BÍBLIA

An Bíobla Naofa

Versão Bilingue

Português – Irlandês

Em Português – Almeida Revista e Atualizada
Em Irlandês - An Bíobla Naofa (1981)
(Version Without Deuterocanonical Books)

2020

BÍBLIA

An Biobla Naofa

Versão Bilingue

Português – Irlandês

Em Português – Almeida Revista e Atualizada
Em Irlandês - An Bíobla Naofa (1981)
(Version Without Deuterocanonical Books)

2020

Índice dos Livros da Bíblia

Velho Testamento	Sean-Tiomna	
Naum	Nahúm	2.718
Habacuque	Habacúc	2.725
Sofonias	Zafainiá	2.733
Ageu	Hag	2.741
Zacarias	Zacaioria	2.747
Malaquias	Malaici	2.777

Novo Testamento	Tiomna Nua	
Mateus	Matha	2.786
Marcos	Marcas	2.895
Lucas	Lúcás	2.964
João	Eoin	3.081
Atos	Gníomhartha	3.167
Romanos	Rómhánaigh	3.286
1 Coríntios	1 Corantaigh	3.336
2 Coríntios	2 Corantaigh	3.385
Gálatas	Galataigh	3.417
Efésios	Eifisigh	3.434
Filipenses	Filipigh	3.451
Colossenses	Colosaigh	3.464
1 Tessalonicenses	1 Teasalónaigh	3.476
2 Tessalonicenses	2 Teasalónaigh	3.487
1 Timóteo	1 Tiomóid	3.493
2 Timóteo	2 Tiomóid	3.507
Tito	Títeas	3.517
Filemom	Filéamón	3.523
Hebreus	Eabhraigh	3.526
Tiago	Séamas	3.564
1 Pedro	1 Peadar	3.577
2 Pedro	2 Peadar	3.590
1 João	1 Eoin	3.599
2 João	2 Eoin	3.612
3 João	3 Eoin	3.614
Judas	Iúd	3.616
Apocalipse	Apacailipsis (Taispeántadh)	3.620

VERSÃO BILINGUE
Português – Irlandês

VELHO TESTAMENTO
Português

Almeida Revista e Atualizada

SEAN-TIOMNA
Irlandês

Bíobla Naofa, 1981

O primeiro livro de Moisés chamado Gênesis

Gênesis 1

A criação dos céus e da terra e de tudo o que neles há

[1] No princípio, criou Deus os céus e a terra.

[2] A terra, porém, estava sem forma e vazia; havia trevas sobre a face do abismo, e o Espírito de Deus pairava por sobre as águas.

[3] Disse Deus: Haja luz; e houve luz.

[4] E viu Deus que a luz era boa; e fez separação entre a luz e as trevas.

[5] Chamou Deus à luz Dia e às trevas, Noite. Houve tarde e manhã, o primeiro dia.

[6] E disse Deus: Haja firmamento no meio das águas e separação entre águas e águas.

[7] Fez, pois, Deus o firmamento e separação entre as águas debaixo do firmamento e as águas sobre o firmamento. E assim se fez.

Geineasas

Geineasas 1

An Cruthú: An Chéad Insint

[1]I dtús báire chruthaigh Dia neamh agus talamh.

[2]Fásach folamh a ba ea an talamh agus bhí dorchadas ar aghaidh an duibheagáin, agus bhí gaoth Dé ag séideadh os cionn na n-uiscí.

[3]Dúirt Dia: "Bíodh solas ann," agus bhí an solas ann.

[4]Chonaic Dia gur mhaith é an solas, agus scar Dia an solas ón dorchadas.

[5]Thug Dia "lá" ar an solas agus "oíche" ar an dorchadas. Ba shin an chéad lá, an nóin agus an mhaidin.

[6]Dúirt Dia: "Bíodh firmimint i lár na n-uiscí agus scaradh sí na huiscí óna chéile."

[7]Rinne Dia an fhirmimint agus scar sé na huiscí a bhí faoin bhfirmimint ó na huiscí a bhí os a cionn. Agus bhí sin amhlaidh.

8 E chamou Deus ao firmamento Céus. Houve tarde e manhã, o segundo dia.

9 Disse também Deus: Ajuntem-se as águas debaixo dos céus num só lugar, e apareça a porção seca. E assim se fez.

10 À porção seca chamou Deus Terra e ao ajuntamento das águas, Mares. E viu Deus que isso era bom.

11 E disse: Produza a terra relva, ervas que dêem semente e árvores frutíferas que dêem fruto segundo a sua espécie, cuja semente esteja nele, sobre a terra. E assim se fez.

12 A terra, pois, produziu relva, ervas que davam semente segundo a sua espécie e árvores que davam fruto, cuja semente estava nele, conforme a sua espécie. E viu Deus que isso era bom.

13 Houve tarde e manhã, o terceiro dia.

14 Disse também Deus: Haja luzeiros no firmamento dos céus, para fazerem separação entre o dia e a noite; e sejam eles para sinais, para estações, para dias e anos.

15 E sejam para luzeiros no firmamento dos céus, para alumiar a terra. E assim se fez.

16 Fez Deus os dois grandes luzeiros: o maior para governar o dia, e o menor para governar a noite; e fez também as estrelas.

17 E os colocou no firmamento dos céus para alumiarem a terra,

8 Thug Dia “neamh” ar an bhfirmimint. Ba shin an dara lá, an nóin agus an mhaidin.

9 Dúirt Dia: “Tagadh na huiscí go léir atá faoi neamh le chéile san aon áit amháin, agus bíodh an talamh tirim le feiceáil.” Agus bhí sin amhlaidh.

10 Agus thug Dia “tír” ar an talamh tirim, agus “farraigí” ar na huiscí le chéile. Chonaic Dia gur mhaith sin.

11 Dúirt Dia: “Tugadh an talamh an fásra uaidh: An lusra lena shíol, an crann toraidh lena shíol ina thoradh, gach ceann de réir a chineáil ar an talamh.” Agus bhí sin amhlaidh.

12 Thug an talamh an fásra uaidh: lusraí lena síol de réir a gcineáil, crainn toraidh lena síol ina dtoradh, de réir a gcineáil. Chonaic Dia gur mhaith sin.

13 Ba shin an tríú lá, an nóin agus an mhaidin.

14 Dúirt Dia: “Bíodh soilse i bhfirmimint neimhe chun an lá a scaradh ón oíche, agus bídís mar chomharthaí, do shéasúir, do laethe agus do bhlianta.

15 Bídís ina soilse i bhfirmimint neimhe ag taitneamh ar an talamh.” Agus bhí sin amhlaidh.

16 Rinne Dia dhá sholas mhóra, an solas is mó chun an lá a rialú agus an solas is lú chun an oíche a rialú, agus na réaltaí mar an gcéanna.

17 Chuir Dia i bhfirmimint neimhe iad le taitneamh ar an talamh,

[18] para governarem o dia e a noite e fazerem separação entre a luz e as trevas. E viu Deus que isso era bom.

[19] Houve tarde e manhã, o quarto dia.

[20] Disse também Deus: Povoem-se as águas de enxames de seres viventes; e voem as aves sobre a terra, sob o firmamento dos céus.

[21] Criou, pois, Deus os grandes animais marinhos e todos os seres viventes que rastejam, os quais povoavam as águas, segundo as suas espécies; e todas as aves, segundo as suas espécies. E viu Deus que isso era bom.

[22] E Deus os abençoou, dizendo: Sede fecundos, multiplicai-vos e enchei as águas dos mares; e, na terra, se multipliquem as aves.

[23] Houve tarde e manhã, o quinto dia.

[24] Disse também Deus: Produza a terra seres viventes, conforme a sua espécie: animais domésticos, répteis e animais selváticos, segundo a sua espécie. E assim se fez.

[25] E fez Deus os animais selváticos, segundo a sua espécie, e os animais domésticos, conforme a sua espécie, e todos os répteis da terra, conforme a sua espécie. E viu Deus que isso era bom.

[26] Também disse Deus: Façamos o homem à nossa imagem, conforme a nossa semelhança; tenha ele domínio sobre os peixes do mar, sobre as aves dos céus,

[18]chun an lá agus an oíche a rialú agus an solas a scaradh ón dorchadas. Chonaic Dia gur mhaith sin.

[19]Ba shin an ceathrú lá, an nóin agus an mhaidin.

[20]Dúirt Dia: “Bíodh rath ar na huiscí le hiomad dúl beo, agus bíodh éanlaith ar eitilt os cionn na talún faoi fhirmimint neimhe.”

[21]Chruthaigh Dia na míola móra agus gach uile dhúil chorraitheach bheo de réir a chineáil a chin ó rath na n-uiscí, agus an uile chineál éin a eitlíonn. Chonaic Dia gur mhaith sin.

[22]Bheannaigh Dia iad á rá: “Bígí torthach, agus téigí i líonmhaire, agus líonaigí uiscí na bhfarraigí; agus téadh an éanlaith i líonmhaire ar talamh.”

[23]Ba shin an cúigiú lá, an nóin agus an mhaidin.

[24]Dúirt Dia: “Tugadh an talamh uaidh gach uile dhúil bheo de réir a chineáil, eallach, péisteanna agus ainmhithe allta.” Agus bhí sin amhlaidh.

[25]Rinne Dia an uile chineál ainmhí allta, an uile chineál eallaigh, an uile chineál péiste. Chonaic Dia gur mhaith sin.

[26]Dúirt Dia: “Déanaimis an duine ar ár ndeilbh féin, ar ár gcosúlacht féin, agus bíodh tiarnas acu ar iasc na farraige, ar éanlaith an aeir, ar an eallach, ar an talamh

sobre os animais domésticos, sobre toda a terra e sobre todos os répteis que rastejam pela terra.

[27] Criou Deus, pois, o homem à sua imagem, à imagem de Deus o criou; homem e mulher os criou.

[28] E Deus os abençoou e lhes disse: Sede fecundos, multiplicai-vos, enchei a terra e sujeitai-a; dominai sobre os peixes do mar, sobre as aves dos céus e sobre todo animal que rasteja pela terra.

[29] E disse Deus ainda: Eis que vos tenho dado todas as ervas que dão semente e se acham na superfície de toda a terra e todas as árvores em que há fruto que dê semente; isso vos será para mantimento.

[30] E a todos os animais da terra, e a todas as aves dos céus, e a todos os répteis da terra, em que há fôlego de vida, toda erva verde lhes será para mantimento. E assim se fez.

[31] Viu Deus tudo quanto fizera, e eis que era muito bom. Houve tarde e manhã, o sexto dia.

Gênesis 2

[1] Assim, pois, foram acabados os céus e a terra e todo o seu exército.

[2] E, havendo Deus terminado no dia sétimo a sua obra, que fizera, descansou nesse dia de toda a sua obra que tinha feito.

go léir, agus ar na péisteanna go léir a shníonn ar an talamh.”

[27]Chruthaigh Dia an duine ar a dheilbh féin, ar dheilbh Dé is ea a chruthaigh sé é. Fireann agus baineann is ea a chruthaigh sé iad.

[28]Agus bheannaigh Dia iad á rá leo: “Bígí torthach, agus téigí i líonmhaire agus líonaigí an talamh agus cuirigí smacht air. Bíodh tiarnas agaibh ar iasc na farraige, ar éanlaith an aeir agus ar an uile dhúil bheo a chorraíonn ar talamh.”

[29]Dúirt Dia: “Féach! Thugas daoibh gach uile lus le síol dá bhfuil ar chlár na talún, agus gach uile chrann le síol ina dtoradh; iadsan a bheidh ina mbia agaibh.

[30]Mar bhia ag na hainmhithe allta go léir, ag éanlaith an aeir go léir, agus ag na péisteanna go léir a bhogann ar talamh tugaim glas gach fáis.” Agus bhí sin amhlaidh.

[31]Chonaic Dia gach a ndearna sé agus, féach! bhí sé go sármhaith. Ba shin an séú lá, an nóin agus an mhaidin.

Geineasas 2

[1]Críochnaíodh neamh agus talamh agus a gcóiriú go léir ar an gcuma sin.

[2]Ar an seachtú lá chríochnaigh Dia an obair a rinne sé. Scoir sé ar an seachtú lá den obair go léir a rinne sé.

[3] E abençoou Deus o dia sétimo e o santificou; porque nele descansou de toda a obra que, como Criador, fizera.

A formação do homem

[4] Esta é a gênese dos céus e da terra quando foram criados, quando o SENHOR Deus os criou.

[5] Não havia ainda nenhuma planta do campo na terra, pois ainda nenhuma erva do campo havia brotado; porque o SENHOR Deus não fizera chover sobre a terra, e também não havia homem para lavrar o solo.

[6] Mas uma neblina subia da terra e regava toda a superfície do solo.

[7] Então, formou o SENHOR Deus ao homem do pó da terra e lhe soprou nas narinas o fôlego de vida, e o homem passou a ser alma vivente.

[8] E plantou o SENHOR Deus um jardim no Éden, na direção do Oriente, e pôs nele o homem que havia formado.

[9] Do solo fez o SENHOR Deus brotar toda sorte de árvores agradáveis à vista e boas para alimento; e também a árvore da vida no meio do jardim e a árvore do conhecimento do bem e do mal.

[10] E saía um rio do Éden para regar o jardim e dali se dividia, repartindo-se em quatro braços.

[11] O primeiro chama-se Pisom; é o que rodeia a terra de Havilá, onde há ouro.

[3]Bheannaigh agus naomhaigh Dia an seachtú lá mar scoir sé an lá sin den obair go léir a rinne sé sa chruthú.

[4]Sin iad céatúsa neimhe agus talún nuair a cruthaíodh iad.

An Cruthú: An Dara hInsint: Parthas

Nuair a rinne an Tiarna Dia neamh agus talamh,

[5]ní raibh aon fhás fiáin fós ar talamh, ná aon lus fiáin fós ag péacadh, mar níor chuir an Tiarna Dia aon fhearthainn fós ar an talamh agus ní raibh duine ann a shaothródh an talamh.

[6]Bhí, más ea, fíoruisce ag brúchtaíl aníos ón talamh agus ag uisciú dromchla na talún go léir.

[7]Ansin chum an Tiarna Dia an duine de chré na talún agus shéid anáil na beatha ina pholláirí; ar an gcaoi sin rinne neach beo den duine.

[8]Phlandaigh an Tiarna Dia parthas in Éidin san oirthear agus chuir sé ann an duine a chum sé.

[9]Chuir an Tiarna Dia ag fás aníos as an talamh gach uile chineál crainn is geal leis an tsúil agus is maith le hithe, crann na beatha mar an gcéanna i lár an ghairdín agus crann fhios na maitheasa agus an oilc.

[10]Bhí abhainn ag sní as Éidin amach ag uisciú an ghairdín, agus roinneadh ansiúd í agus rinne ceithre abhainn di.

[11]Píseon a thugtar ar an gcéad abhainn díobhsan, agus is í sin a ghabhann timpeall tír Havalá go léir mar a bhfuil an t-ór.

[12] O ouro dessa terra é bom; também se encontram lá o bdélio e a pedra de ônix.

[13] O segundo rio chama-se Giom; é o que circunda a terra de Cuxe.

[14] O nome do terceiro rio é Tigre; é o que corre pelo oriente da Assíria. E o quarto é o Eufrates.

[15] Tomou, pois, o SENHOR Deus ao homem e o colocou no jardim do Éden para o cultivar e o guardar.

[16] E o SENHOR Deus lhe deu esta ordem: De toda árvore do jardim comerás livremente,

[17] mas da árvore do conhecimento do bem e do mal não comerás; porque, no dia em que dela comeres, certamente morrerás.

A formação da mulher

[18] Disse mais o SENHOR Deus: Não é bom que o homem esteja só; far-lhe-ei uma auxiliadora que lhe seja idônea.

[19] Havendo, pois, o SENHOR Deus formado da terra todos os animais do campo e todas as aves dos céus, trouxe-os ao homem, para ver como este lhes chamaria; e o nome que o homem desse a todos os seres viventes, esse seria o nome deles.

[20] Deu nome o homem a todos os animais domésticos, às aves dos céus e a todos os animais selváticos; para o homem, todavia, não se achava uma auxiliadora que lhe fosse idônea.

[12]Is maith é ór na tíre sin, agus tá bdellium ann agus óinix.

[13]Gíohón a thugtar ar an dara habhainn agus is í a ghabhann timpeall tír Chúis go léir.

[14]An Tigris a thugtar ar an tríú habhainn agus sníonn sí lastoir den Aisír. An Eofrataes an ceathrú habhainn.

[15]Thóg an Tiarna Dia an duine agus chuir i ngairdín Éidin é chun é a shaothrú agus aire a thabhairt dó.

[16]Thug an Tiarna Dia aithne don duine á rá: “Tá saorchead agat toradh a ithe de gach crann sa ghairdín,

[17]ach toradh de chrann fhios na maitheasa agus an oilc, ní íosfaidh tú mar an lá a íosfaidh tú de thoradh an chrainn sin, gheobhair bás, gheobhair sin.”

[18]Agus dúirt an Tiarna Dia: “Ní maith é an duine a bheith leis féin. Déanfaidh mé céile cúnta a dhiongbhála dó.”

[19]Chum an Tiarna Dia dá bhrí sin as an talamh ainmhithe an mhachaire go léir, éanlaith an aeir go léir, agus thug sé i láthair an duine iad féachaint cen t-ainm a thabharfadh sé orthu: cibé ainm a thabharfadh an duine ar gach dúil bheo, sin é a bheadh mar ainm air.

[20]Thug an duine ainm ar an eallach go léir, ar éanlaith an aeir go léir, agus ar na hainmhithe allta. Ach ní bhfuarthas céile cúnta a dhiongbhála don duine.

[21] Então, o SENHOR Deus fez cair pesado sono sobre o homem, e este adormeceu; tomou uma das suas costelas e fechou o lugar com carne.

[22] E a costela que o SENHOR Deus tomara ao homem, transformou-a numa mulher e lha trouxe.

[23] E disse o homem: Esta, afinal, é osso dos meus ossos e carne da minha carne; chamar-se-á varoa, porquanto do varão foi tomada.

[24] Por isso, deixa o homem pai e mãe e se une à sua mulher, tornando-se os dois uma só carne.

[25] Ora, um e outro, o homem e sua mulher, estavam nus e não se envergonhavam.

Gênesis 3

A queda do homem

[1] Mas a serpente, mais sagaz que todos os animais selváticos que o SENHOR Deus tinha feito, disse à mulher: É assim que Deus disse: Não comereis de toda árvore do jardim?

[2] Respondeu-lhe a mulher: Do fruto das árvores do jardim podemos comer,

[3] mas do fruto da árvore que está no meio do jardim, disse Deus: Dele não comereis, nem tocareis nele, para que não morrais.

[4] Então, a serpente disse à mulher: É certo que não morrereis.

[21]Chuir an Tiarna Dia suan trom ar an duine, agus, ina shuan dó, bhain sé easna as agus chuir feoil ina timpeall.

[22]An easna a bhain an Tiarna Dia as an duine, rinne sé bean aisti, agus thug chun an duine í.

[23]Dúirt an duine ansin: “Is cnámh de mo chnámha-sa í seo ar deireadh, Agus is feoil de m'fheoilse í. Tabharfar bean (ís-seá) uirthi Mar gur baineadh as an bhfear (ís) í.”

[24]Uime sin, fágann an fear a athair agus a mháthair agus cloíonn sé lena bhean, agus déanann aon fheoil amháin díobh.

[25]Bhíodar araon lomnocht, an fear agus a bhean, ach gan aon náire orthu.

Geineasas 3

An Titim

[1]Ba ghlice an nathair nimhe ná aon ainmhí allta dá ndearna an Tiarna Dia agus dúirt sí leis an mbean: “An ndúirt Dia libh gan ithe de thoradh aon chrainn sa ghairdín?”

[2]Dúirt an bhean leis an nathair nimhe: “Ní miste dúinn toradh na gcrann sa ghairdín a ithe:

[3]ach toradh an chrainn atá i lár an ghairdín, dúirt Dia faoi: ‘ná hithigí é agus na bainigí leis le heagla go bhfaigheadh sibh bás’.”

[4]Agus dúirt an nathair nimhe leis an mbean: “Ní bhfaighidh sibh bás, ní bhfaighidh sin!

[5] Porque Deus sabe que no dia em que dele comerdes se vos abrirão os olhos e, como Deus, sereis conhecedores do bem e do mal.

[5]Óir is eol do Dhia an lá a íosfaidh sibh dá thoradh sin, go n-osclófar bhur súile agus go mbeidh sibh cosúil le déithe agus fios na maitheasa agus an oilc agaibh.”

[6] Vendo a mulher que a árvore era boa para se comer, agradável aos olhos e árvore desejável para dar entendimento, tomou-lhe do fruto e comeu e deu também ao marido, e ele comeu.

[6]Chonaic an bhean gur mhaith le hithe toradh an chrainn, agus gur gheal leis an tsúil é agus gur dhíol dúile é ar son an fheasa a thug sé. Thóg sí, más ea, cuid dá thoradh agus d'ith é; thug sí cuid de chomh maith dá fear a bhí ina teannta, agus d'ith sé é.

[7] Abriram-se, então, os olhos de ambos; e, percebendo que estavam nus, coseram folhas de figueira e fizeram cintas para si.

[7]Osclaíodh a súile araon agus chonaiceadar go rabhadar nocht agus d'fhíodar duilleoga fige lena chéile agus rinneadar brait íochtair dóibh féin.

[8] Quando ouviram a voz do SENHOR Deus, que andava no jardim pela viração do dia, esconderam-se da presença do SENHOR Deus, o homem e sua mulher, por entre as árvores do jardim.

[8]Chualadar fuaim an Tiarna Dia agus é ag siúl sa ghairdín i bhfionnuaire an lae agus chuaigh an fear agus an bhean i bhfolach ón Tiarna Dia i measc na gcrann sa ghairdín.

[9] E chamou o SENHOR Deus ao homem e lhe perguntou: Onde estás?

[9]Ach ghlaoigh an Tiarna Dia ar an bhfear: “Cá bhfuil tú?” ar sé leis.

[10] Ele respondeu: Ouvi a tua voz no jardim, e, porque estava nu, tive medo, e me escondi.

[10]D'fhreagair sé: “Chuala mé do ghuth sa ghairdín agus bhí eagla orm mar go raibh mé nocht, agus chuaigh mé i bhfolach.”

[11] Perguntou-lhe Deus: Quem te fez saber que estavas nu? Comeste da árvore de que te ordenei que não comesses?

[11]“Cé dúirt leat,” ar seisean, “go raibh tú nocht? An ag ithe a bhí tú den chrann a d'aithin mé duit gan ithe de?”

[12] Então, disse o homem: A mulher que me deste por esposa, ela me deu da árvore, e eu comi.

[12]“An bhean a thug tú dom mar chéile,” arsa an fear, “ise a thug toradh as an gcrann dom, agus d'ith mé é.”

[13] Disse o SENHOR Deus à mulher: Que é isso que fizeste? Respondeu a mulher: A serpente me enganou, e eu comi.

[13]Agus dúirt an Tiarna Dia leis an mbean: “Cad é seo atá déanta agat?” D'fhreagair an bhean: “Mheall an nathair mé agus d'ith mé.”

[14] Então, o SENHOR Deus disse à serpente: Visto que isso fizeste, maldita és entre todos os animais domésticos e o és entre todos os animais selváticos; rastejarás sobre o teu ventre e comerás pó todos os dias da tua vida.

[14]Dúirt an Tiarna Dia leis an nathair: "De bhrí go ndearna tú an rud seo go raibh mallacht ort thar an eallach go léir, thar na hainmhithe allta go léir; beidh tú ag sní ar do bholg agus ag ithe cré, gach lá de do shaol.

[15] Porei inimizade entre ti e a mulher, entre a tua descendência e o seu descendente. Este te ferirá a cabeça, e tu lhe ferirás o calcanhar.

[15]Cuirfidh mé naimhdeas idir tú agus an bhean, idir do shíolsa agus a síolsa. Brúfaidh sé do cheann agus brúfaidh tusa a sháil."

[16] E à mulher disse: Multiplicarei sobremodo os sofrimentos da tua gravidez; em meio de dores darás à luz filhos; o teu desejo será para o teu marido, e ele te governará.

[16]Dúirt sé leis an mbean: "Méadóidh mé go mór ar do thinneas ag breith clainne. Béarfaidh tú clann agus tinneas ort. Beidh mian chun do chéile ort ach beidh sé i gceannas ort."

[17] E a Adão disse: Visto que atendeste a voz de tua mulher e comeste da árvore que eu te ordenara não comesses, maldita é a terra por tua causa; em fadigas obterás dela o sustento durante os dias de tua vida.

[17]Dúirt sé leis an bhfear: "De bhrí gur thug tú cluas do ghuth do mhna, agus gur ith tú de thoradh an chrainn ar aithin mé duit gan a ithe: Go raibh mallacht ar an talamh de do chionn. Faoi dhoilíos a shaothróidh tú do chuid de, gach lá de do shaol.

[18] Ela produzirá também cardos e abrolhos, e tu comerás a erva do campo.

[18]Sceacha agus feochadáin a thabharfaidh sé duit, agus íosfaidh tú luibheanna an bháin.

[19] No suor do rosto comerás o teu pão, até que tornes à terra, pois dela foste formado; porque tu és pó e ao pó tornarás.

[19]Le hallas do ghrua is ea a íosfaidh tú do chuid aráin go bhfillfidh tú ar an talamh mar is as a tháinig tú. Óir is luaithreach thú, agus ar an luaithreach is ea a fhillfidh tú."

[20] E deu o homem o nome de Eva a sua mulher, por ser a mãe de todos os seres humanos.

[20]Thug an fear Éabha ar a bhean mar gurb í máthair na mbeo go léir í.

[21] Fez o SENHOR Deus vestimenta de peles para Adão e sua mulher e os vestiu.

[21]Rinne an Tiarna Dia éadaí as seithí don fhear agus dá bhean agus chuir siad orthu féin iad.

[22] Então, disse o SENHOR Deus: Eis que o homem se tornou como um de nós,

[22]Ansin dúirt an Tiarna Dia: "Féach! Tá an duine arna dhéanamh cosúil linn féin leis

conhecedor do bem e do mal; assim, que não estenda a mão, e tome também da árvore da vida, e coma, e viva eternamente.

an bhfios maitheasa agus oilc atá aige. Le heagla go sínfeadh sé a lámh chomh maith agus toradh a stoitheadh de chrann na beatha, agus é a ithe agus maireachtáil go deo" -

[23] O SENHOR Deus, por isso, o lançou fora do jardim do Éden, a fim de lavrar a terra de que fora tomado.

[23]Uime sin dhíbir an Tiarna Dia as gairdín Éidin é chun an talamh as ar tógadh é a shaothrú.

[24] E, expulso o homem, colocou querubins ao oriente do jardim do Éden e o refulgir de uma espada que se revolvia, para guardar o caminho da árvore da vida.

[24]Dhíbir sé an duine, más ea, agus chuir sé na ceiribíní agus claíomh lasrach ag síorchasadh, os comhair ghairdín Éidin chun an tslí go crann na beatha a chosaint.

Gênesis 4

Abel e Caim

[1] Coabitou o homem com Eva, sua mulher. Esta concebeu e deu à luz a Caim; então, disse: Adquiri um varão com o auxílio do SENHOR.

[2] Depois, deu à luz a Abel, seu irmão. Abel foi pastor de ovelhas, e Caim, lavrador.

[3] Aconteceu que no fim de uns tempos trouxe Caim do fruto da terra uma oferta ao SENHOR.

[4] Abel, por sua vez, trouxe das primícias do seu rebanho e da gordura deste. Agradou-se o SENHOR de Abel e de sua oferta;

[5] ao passo que de Caim e de sua oferta não se agradou. Irou-se, pois, sobremaneira, Caim, e descaiu-lhe o semblante.

[6] Então, lhe disse o SENHOR: Por que andas irado, e por que descaiu o teu semblante?

Geineasas 4

Clann Ádhaimh

[1]Luigh Ádhamh lena bhean Éabha agus ghabh sí gin agus rug mac, Cáin. "Fuaireas mac," ar sí, "le cúnamh an Tiarna."

[2]Agus rug sí an dara mac Áibil, deartháir Cháin. Aoire i bhfeighil caorach a ba ea Áibil, ach ag saothrú na talún a bhíodh Cáin.

[3]Faoi chionn tamaill thug Cáin cuid de thorthaí na talún mar íobairt don Tiarna,

[4]agus thug Áibil mar an gcéanna cuid de chéadghinte a thréada agus dá saill. D'fhéach an Tiarna le fabhar ar Áibil agus ar a íobairt

[5]ach níor fhéach sé le fabhar ar Cháin ná ar a íobairtsean. Líon Cáin le fearg agus chuir púic air féin.

[6]Chuir an Tiarna ceist ar Cháin: "Cén fáth," ar sé, "a bhfuil fearg ort agus púic?

[7] Se procederes bem, não é certo que serás aceito? Se, todavia, procederes mal, eis que o pecado jaz à porta; o seu desejo será contra ti, mas a ti cumpre dominá-lo.

[7]Má dhéanann tú an mhaith, nach nglacfar leat? Mura ndéana tú an mhaith, nach shin é an peaca ar an tairseach agat agus craos air chugat ach go gcaithfir é a cheansú?"

O primeiro homicídio

[8] Disse Caim a Abel, seu irmão: Vamos ao campo. Estando eles no campo, sucedeu que se levantou Caim contra Abel, seu irmão, e o matou.

[8]"Téanam amach," arsa Cáin le hÁibil a dheartháir. Fad bhí siad amuigh, d'iompaigh Cáin ar Áibil a dheartháir agus mharaigh sé é.

[9] Disse o SENHOR a Caim: Onde está Abel, teu irmão? Ele respondeu: Não sei; acaso, sou eu tutor de meu irmão?

[9]Ansin dúirt an Tiarna le Cáin: "Cá bhfuil Áibil do dheartháir?" "Níl a fhios agam," ar sé. "An mise coimeádaí mo dhearthár?"

[10] E disse Deus: Que fizeste? A voz do sangue de teu irmão clama da terra a mim.

[10]"Cad tá déanta agat?" arsa an Tiarna. "Tá guth fhuil do dhearthár ag glaoch orm as an talamh.

[11] És agora, pois, maldito por sobre a terra, cuja boca se abriu para receber de tuas mãos o sangue de teu irmão.

[11]Beidh mallacht ort feasta agus tú ar díbirt ón talamh seo a d'oscail a bhéal agus a ghlac fuil do dhearthár ó do láimh.

[12] Quando lavrares o solo, não te dará ele a sua força; serás fugitivo e errante pela terra.

[12]Nuair a shaothróidh tú an talamh ní thabharfaidh sé feasta dá dhícheall duit. Beidh tú i do theifeach agus i d'fhánaí ar talamh."

[13] Então, disse Caim ao SENHOR: É tamanho o meu castigo, que já não posso suportá-lo.

[13]Dúirt Cáin leis an Tiarna: "Tá mo phionós thar mo chumas iompair.

[14] Eis que hoje me lanças da face da terra, e da tua presença hei de esconder-me; serei fugitivo e errante pela terra; quem comigo se encontrar me matará.

[14]Seo thú inniu do mo dhíbirt ón talamh seo; rachaidh mé i bhfolach ó do ghnúis; beidh mé i mo theifeach agus i m'fhánaí ar talamh agus an té thiocfaidh orm maróidh sé mé."

[15] O SENHOR, porém, lhe disse: Assim, qualquer que matar a Caim será vingado sete vezes. E pôs o SENHOR um sinal em Caim para que o não ferisse de morte quem quer que o encontrasse.

[15]"Cibé más ea," arsa an Tiarna leis, "a mharóidh Cáin, déanfar é a dhíolt air faoi sheacht." Agus chuir an Tiarna marc ar Cháin ionas nach maródh aon duine a thiocfadh air é.

[16] Retirou-se Caim da presença do SENHOR e habitou na terra de Node, ao oriente do Éden.

Descendentes de Caim

[17] E coabitou Caim com sua mulher; ela concebeu e deu à luz a Enoque. Caim edificou uma cidade e lhe chamou Enoque, o nome de seu filho.

[18] A Enoque nasceu-lhe Irade; Irade gerou a Meujael, Meujael, a Metusael, e Metusael, a Lameque.

[19] Lameque tomou para si duas esposas: o nome de uma era Ada, a outra se chamava Zilá.

[20] Ada deu à luz a Jabal; este foi o pai dos que habitam em tendas e possuem gado.

[21] O nome de seu irmão era Jubal; este foi o pai de todos os que tocam harpa e flauta.

[22] Zilá, por sua vez, deu à luz a Tubalcaim, artífice de todo instrumento cortante, de bronze e de ferro; a irmã de Tubalcaim foi Naamá.

[23] E disse Lameque às suas esposas: Ada e Zilá, ouvi-me; vós, mulheres de Lameque, escutai o que passo a dizer-vos: Matei um homem porque ele me feriu; e um rapaz porque me pisou.

[24] Sete vezes se tomará vingança de Caim, de Lameque, porém, setenta vezes sete.

[25] Tornou Adão a coabitar com sua mulher; e ela deu à luz um filho, a quem pôs o nome de Sete; porque, disse ela,

[16]Ansin d'imigh Cáin leis ó láthair an Tiarna agus chuir sé faoi i dtír Nód, soir ó Éidin.

Síol Cháin

[17]Luigh Cáin lena bhean agus ghabh sí gin, agus rug sí Eineoc. Thóg sé cathair agus thug sé ainm a mhic Eineoc ar an gcathair.

[18]Bhí Íorád mar mhac ag Eineoc, agus ag Íorád bhí Machúael mar mhac; ghin Machúael Matúisiael, agus ghin Matúisiael Láimic.

[19]Phós Láimic beirt bhan; bhí Ádá mar ainm ar bhean acu, agus Zilleá ar an mbean eile.

[20]Rug Ádá Iábál, an té ónar shíolraigh an lucht cónaithe i mbothanna a bhfuil eallach acu.

[21]Iúbál a ba ainm dá dhearthháir, agus is uaidhsean a shíolraigh an dream go léir a sheinneann an chruit agus an phíb.

[22]Dála Zilleá, rug sí Túbál Cáin. Uaidhsean a shíolraigh gaibhne gach miotail, idir phrás is iarann. Agus ba í Námá deirfiúr Túbál Cáin.

[23]Dúirt Láimic lena mhná: “A Ádá agus a Zilleá, éistigí le mo ghlór! A mhná Láimic, tugaigí cluas do mo ráite béil! Mharaigh mé fear de bharr mé a ghonadh agus ógánach de bharr mé a bhualadh.

[24]Déantar Cáin a dhíolt faoi sheacht, ach Láimic faoi sheacht seachtód.”

[25]Luigh Ádhamh lena bhean arís, agus rug sí mac ar ar thug sé Séat, mar, a dúirt sí, “Bhronn Dia leanbh eile orm in áit Áibil mar gur mharaigh Cáin é.”

Deus me concedeu outro descendente em lugar de Abel, que Caim matou.

[26] A Sete nasceu-lhe também um filho, ao qual pôs o nome de Enos; daí se começou a invocar o nome do SENHOR.

Gênesis 5

Descendentes de Adão

1 Crônicas 1.1-4

[1] Este é o livro da genealogia de Adão. No dia em que Deus criou o homem, à semelhança de Deus o fez;

[2] homem e mulher os criou, e os abençoou, e lhes chamou pelo nome de Adão, no dia em que foram criados.

[3] Viveu Adão cento e trinta anos, e gerou um filho à sua semelhança, conforme a sua imagem, e lhe chamou Sete.

[4] Depois que gerou a Sete, viveu Adão oitocentos anos; e teve filhos e filhas.

[5] Os dias todos da vida de Adão foram novecentos e trinta anos; e morreu.

[6] Sete viveu cento e cinco anos e gerou a Enos.

[7] Depois que gerou a Enos, viveu Sete oitocentos e sete anos; e teve filhos e filhas.

[8] Todos os dias de Sete foram novecentos e doze anos; e morreu.

[9] Enos viveu noventa anos e gerou a Cainã.

[10] Depois que gerou a Cainã, viveu Enos oitocentos e quinze anos; e teve filhos e filhas.

[26]Rugadh mac do Shéat agus thug sé Eanóis mar ainm air. Eisean an chéad duine a ghlaoigh ar ainm an Tiarna.

Geineasas 5

Na Patrairc Roimh an Díle

[1]Leabhar na nginealach ó Ádhamh anseo: An lá a chruthaigh Dia Ádhamh, rinne sé é ar chosúlacht Dé.

[2]Fireann agus baineann a chruthaigh sé iad. Bheannaigh sé iad agus thug an t-ainm An Duine orthu an lá a cruthaíodh iad.

[3]Nuair a bhí Ádhamh céad agus a tríocha bliain d'aois rugadh mac dó ar a dheilbh agus ar a chosúlacht féin, agus thug sé Séat air.

[4]Mhair Ádhamh ocht gcéad bliain tar éis Séat a shaolú, agus ghin sé mic agus iníonacha.

[5]Mhair Ádhamh naoi gcéad agus a tríocha bliain ar fad; ansin fuair sé bas.

[6]Nuair a bhí Séat céad agus a cúig bliana d'aois ghin sé Eanóis,

[7]agus mhair sé ocht gcéad agus a seacht mbliana tar éis Eanóis a shaolú agus ghin sé mic agus iníonacha.

[8]Mhair Séat naoi gcéad agus dosaen bliain ar fad; ansin fuair sé bás.

[9]Nuair a bhí Eanóis nócha bliain d'aois, ghin sé Céanán,

[10]agus mhair sé ocht gcéad agus cúig bliana déag tar éis Céanán a shaolú agus ghin sé mic agus iníonacha.

[11] Todos os dias de Enos foram novecentos e cinco anos; e morreu.
[12] Cainã viveu setenta anos e gerou a Maalalel.
[13] Depois que gerou a Maalalel, viveu Cainã oitocentos e quarenta anos; e teve filhos e filhas.
[14] Todos os dias de Cainã foram novecentos e dez anos; e morreu.
[15] Maalalel viveu sessenta e cinco anos e gerou a Jarede.
[16] Depois que gerou a Jarede, viveu Maalalel oitocentos e trinta anos; e teve filhos e filhas.
[17] Todos os dias de Maalalel foram oitocentos e noventa e cinco anos; e morreu.
[18] Jarede viveu cento e sessenta e dois anos e gerou a Enoque.
[19] Depois que gerou a Enoque, viveu Jarede oitocentos anos; e teve filhos e filhas.
[20] Todos os dias de Jarede foram novecentos e sessenta e dois anos; e morreu.
[21] Enoque viveu sessenta e cinco anos e gerou a Metusalém.
[22] Andou Enoque com Deus; e, depois que gerou a Metusalém, viveu trezentos anos; e teve filhos e filhas.
[23] Todos os dias de Enoque foram trezentos e sessenta e cinco anos.
[24] Andou Enoque com Deus e já não era, porque Deus o tomou para si.

[11]Mhair Eanóis naoi gcéad agus a cúig bliana ar fad; ansin fuair sé bás.
[12]Nuair a bhí Céanán deich mbliana agus trí fichid, ghin sé Mahalalael.
[13]Mhair Céanán ocht gcéad agus a daichead bliain tar éis Mahalalael a shaolú agus ghin sé mic agus iníonacha.
[14]Mhair Céanán naoi gcéad agus a deich mbliana ar fad; ansin fuair sé bás.
[15]Nuair a bhí Mahalalael cúig bliana agus trí fichid ghin sé Iárad.
[16]Mhair Mahalalael ocht gcéad agus a tríocha bliain tar éis Iárad a shaolú agus ghin sé mic agus iníonacha.
[17]Mhair Mahalalael ocht gcéad agus a nócha cúig bliana ar fad; ansin fuair sé bás.
[18]Nuair a bhí Iárad céad agus a seasca dó bliain d'aois, ghin sé Eineoc
[19]agus mhair sé ocht gcéad bliain tar éis Eineoc a ghiniúint, agus ghin sé mic agus iníonacha.
[20]Mhair Iárad naoi gcéad agus seasca dó bliain ar fad; ansin fuair sé bás.
[21]Nuair a bhí Eineoc cúig bliana agus trí fichid ghin sé Matúsalach.
[22]Bhí Eineoc ag siúl fara Dia. Mhair sé trí chéad bliain tar éis Matúsalach a shaolú agus ghin sé mic agus iníonacha.
[23]Mhair Eineoc trí chéad agus a seasca cúig bliana ar fad.
[24]Bhí Eineoc ag siúl fara Dia. Ansin d'imigh sé as radharc daoine, óir rug Dia leis é.

[25] Metusalém viveu cento e oitenta e sete anos e gerou a Lameque.
[26] Depois que gerou a Lameque, viveu Metusalém setecentos e oitenta e dois anos; e teve filhos e filhas.
[27] Todos os dias de Metusalém foram novecentos e sessenta e nove anos; e morreu.
[28] Lameque viveu cento e oitenta e dois anos e gerou um filho;

[29] pôs-lhe o nome de Noé, dizendo: Este nos consolará dos nossos trabalhos e das fadigas de nossas mãos, nesta terra que o SENHOR amaldiçoou.

[30] Depois que gerou a Noé, viveu Lameque quinhentos e noventa e cinco anos; e teve filhos e filhas.
[31] Todos os dias de Lameque foram setecentos e setenta e sete anos; e morreu.
[32] Era Noé da idade de quinhentos anos e gerou a Sem, Cam e Jafé.

Gênesis 6

A corrupção do gênero humano

[1] Como se foram multiplicando os homens na terra, e lhes nasceram filhas,

[2] vendo os filhos de Deus que as filhas dos homens eram formosas, tomaram para si mulheres, as que, entre todas, mais lhes agradaram.
[3] Então, disse o SENHOR: O meu Espírito não agirá para sempre no homem, pois este é carnal; e os seus dias serão cento e vinte anos.

[25]Nuair a bhí Matúsalach céad agus a hochtó seacht bliain d'aois ghin sé Láimic.
[26]Mhair Matúsalach seacht gcéad agus a hochtó dó bliain tar éis Láimic a shaolú, agus ghin sé mic agus iníonacha.

[27]Mhair Matúsalach naoi gcéad agus a seasca naoi mbliana ar fad; ansin d'éag sé.

[28]Nuair a bhí Láimic dhá bhliain agus ceithre fichid, ghin sé mac
[29]agus thug sé Naoi air, mar a dúirt sé: “Seo duine a thabharfaidh sólás dúinn ón talamh, ar ar chuir an Tiarna a mhallacht, agus sinn i mbun ár saothair agus ár n-oibre.”
[30]Mhair Láimic cúig céad agus a nócha cúig bliain tar éis Naoi a shaolú agus ghin sé mic agus iníonacha.
[31]Mhair Láimic seacht gcéad agus seachtó seacht bliain ar fad; ansin fuair sé bás.
[32]Nuair a bhí Naoi cúig chéad bliain d'aois ghin sé Séam, Hám agus Iáfat.

Geineasas 6

[1]Nuair a thosaigh na daoine ar dhul i líonmhaire ar chlár na talún agus gur rugadh iníonacha dóibh,

[2]chonaic mic Dé gur sciamhach iad iníonacha na ndaoine agus thógadar chucu a rogha díobh mar mhná.

[3]Dúirt an Tiarna: “Ní foláir gan mo spiorad a fhágáil faoi tháire i gcónaí sa duine, mar nach bhfuil ann ach feoil; ní bheidh ach

céad agus a fiche bliain d'fhad saoil aige feasta.”

[4] Ora, naquele tempo havia gigantes na terra; e também depois, quando os filhos de Deus possuíram as filhas dos homens, as quais lhes deram filhos; estes foram valentes, varões de renome, na antiguidade.

[4]Bhí fathaigh ar an talamh an uair sin, agus níos déanaí ná sin, nuair a rinne mic Dé céileachas le hiníonacha na ndaoine agus gur rugadarsan clann dóibh. Sin iad laochra an tseansaoil, na fir mhórchlú.

An Díle

[5] Viu o SENHOR que a maldade do homem se havia multiplicado na terra e que era continuamente mau todo desígnio do seu coração;

[5]Chonaic an Tiarna gurbh éachtach é olc an duine ar an talamh agus nach raibh á thaibhreamh dó ina smaointe de shíor ach an t-olc.

[6] então, se arrependeu o SENHOR de ter feito o homem na terra, e isso lhe pesou no coração.

[6]Ghabh aithreachas an Tiarna de bhrí go ndearna sé an duine ar an talamh agus ghoill sé air ó chroí.

[7] Disse o SENHOR: Farei desaparecer da face da terra o homem que criei, o homem e o animal, os répteis e as aves dos céus; porque me arrependo de os haver feito.

[7]Agus dúirt an Tiarna: “Scriosfaidh mé de dhroim na talún an duine a chruthaigh mé, agus mar aon leis an duine na hainmhithe, na péisteanna agus éanlaith an aeir, óir is aithreach liom a ndéanamh.”

[8] Porém Noé achou graça diante do SENHOR.

[8]Bhí gnaoi an Tiarna ar Naoi.

[9] Eis a história de Noé. Noé era homem justo e íntegro entre os seus contemporâneos; Noé andava com Deus.

[9]Dála Naoi anseo: Fear fíréanta a ba ea Naoi, fear gan locht i measc lucht a linne, agus shiúil sé fara Dia.

[10] Gerou três filhos: Sem, Cam e Jafé.

[10]Agus ghin Naoi triúr mac, Séam, Hám agus Iáfat.

Deus anuncia o dilúvio

[11] A terra estava corrompida à vista de Deus e cheia de violência.

[11]Truaillíodh an talamh i bhfianaise Dé agus líonadh é d'fhoréigean.

[12] Viu Deus a terra, e eis que estava corrompida; porque todo ser vivente havia corrompido o seu caminho na terra.

[12]D'fhéach Dia ar an talamh agus, féach, bhí sé truaillithe, óir thruailligh an uile fheoil a slí ar talamh.

[13] Então, disse Deus a Noé: Resolvi dar cabo de toda carne, porque a terra está

[13]Dúirt Dia le Naoi: “Chinn mé deireadh a chur leis an uile fheoil, óir tá an talamh lán

cheia da violência dos homens; eis que os farei perecer juntamente com a terra.

[14] Faze uma arca de tábuas de cipreste; nela farás compartimentos e a calafetarás com betume por dentro e por fora.

[15] Deste modo a farás: de trezentos côvados será o comprimento; de cinqüenta, a largura; e a altura, de trinta.

[16] Farás ao seu redor uma abertura de um côvado de altura; a porta da arca colocarás lateralmente; farás pavimentos na arca: um em baixo, um segundo e um terceiro.

[17] Porque estou para derramar águas em dilúvio sobre a terra para consumir toda carne em que há fôlego de vida debaixo dos céus; tudo o que há na terra perecerá.

[18] Contigo, porém, estabelecerei a minha aliança; entrarás na arca, tu e teus filhos, e tua mulher, e as mulheres de teus filhos.

[19] De tudo o que vive, de toda carne, dois de cada espécie, macho e fêmea, farás entrar na arca, para os conservares vivos contigo.

[20] Das aves segundo as suas espécies, do gado segundo as suas espécies, de todo réptil da terra segundo as suas espécies, dois de cada espécie virão a ti, para os conservares em vida.

[21] Leva contigo de tudo o que se come, ajunta-o contigo; ser-te-á para alimento, a ti e a eles.

d'fhoréigean dá mbarr. Féach, scriosfaidh mé iad agus an talamh mar aon leo.

[14]Déan áirc duit féin de chrann gófar; déan seomraí inti agus cuir brat pice uirthi laistigh agus lasmuigh.

[15]Seo é an tomhas ar a ndéanfaidh tú í: Fad na háirce trí chéad banlámh; a leithead caoga banlámh, agus a hairde deich mbanlámh fichead.

[16]Déan díon don áirc agus é banlámh ina stuaic. Cuir doras na háirce ina taobh; déan trí boird inti: bord íochtair, bord láir agus bord uachtair.

[17]Féach, tabharfaidh mé díle liom agus seolfaidh mé na huiscí ar an talamh chun an uile fheoil faoin spéir ina bhfuil anáil na beatha a scrios; caillfear a bhfuil ar talamh.

[18]Ach daingneoidh mé mo chonradh leatsa. Téighse isteach san áirc, tú féin, do chlann mhac, do bhean, agus mná do mhac in éineacht leat.

[19]Agus an uile dhúil bheo agus an uile fheoil, tabhair leat cúpla de gach cineál díobh isteach san áirc le coimeád beo farat; fireann agus baineann ní foláir iad a bheith.

[20]An éanlaith de réir a gcineáil, ainmhithe uile na talún de réir a gcineáil, péisteanna uile na talún de réir a gcineáil, rachaidh cúpla díobh isteach san áirc in éineacht leat le coimeád beo.

[21]Agus tabhair leat chomh maith gach sort bia dá n-itear agus cuir i dtaisce é agus beidh sé mar bhia agatsa agus acusan."

[22] Assim fez Noé, consoante a tudo o que Deus lhe ordenara.

[22]Rinne Naoi é sin, rinne sé ar ordaigh an Tiarna dó.

Gênesis 7

Noé e sua família entram na arca

[1] Disse o SENHOR a Noé: Entra na arca, tu e toda a tua casa, porque reconheço que tens sido justo diante de mim no meio desta geração.

[2] De todo animal limpo levarás contigo sete pares: o macho e sua fêmea; mas dos animais imundos, um par: o macho e sua fêmea.

[3] Também das aves dos céus, sete pares: macho e fêmea; para se conservar a semente sobre a face da terra.

[4] Porque, daqui a sete dias, farei chover sobre a terra durante quarenta dias e quarenta noites; e da superfície da terra exterminarei todos os seres que fiz.

[5] E tudo fez Noé, segundo o SENHOR lhe ordenara.

[6] Tinha Noé seiscentos anos de idade, quando as águas do dilúvio inundaram a terra.

[7] Por causa das águas do dilúvio, entrou Noé na arca, ele com seus filhos, sua mulher e as mulheres de seus filhos.

[8] Dos animais limpos, e dos animais imundos, e das aves, e de todo réptil sobre a terra,

Geineasas 7

[1]Ansin dúirt an Tiarna le Naoi: “Gabh isteach san áirc, tusa agus do theaghlach go léir, óir is tú amháin den ghlúin seo, i mo bhreithse, a fheicim atá fíréanta.

[2]Beir leat de na hainmhithe glana seacht gcúpla, an fireann agus an baineann, de gach cineál; agus de na hainmhithe neamhghlana cúpla, fireannach agus baineannach;

[3]agus d'éanlaith an aeir chomh maith seacht gcúpla, an fireann agus an baineann, de gach cineál, d'fhonn a gcineál a choimeád beo ar chlár na talún.

[4]Óir faoi chionn seacht lá seolfaidh mé uiscí ar talamh ar feadh daichead lá agus daichead oíche; agus scriosfaidh mé gach dúil bheo dá ndearna de chlár na talún.”

[5]Agus rinne Naoi ar ordaigh an Tiarna dó.

[6]Bhí Naoi sé chéad bliain nuair a tháinig na huiscí díleann ar an talamh.

[7]Chuaigh Naoi agus a chlann mhac agus a bhean agus mná a mhac in éineacht leis isteach san áirc ag teitheadh ó uiscí na díleann.

[8]Na hainmhithe glana agus neamhghlana, an éanlaith agus gach a sníonn ar talamh,

9 entraram para Noé, na arca, de dois em dois, macho e fêmea, como Deus lhe ordenara.
10 E aconteceu que, depois de sete dias, vieram sobre a terra as águas do dilúvio.
11 No ano seiscentos da vida de Noé, aos dezessete dias do segundo mês, nesse dia romperam-se todas as fontes do grande abismo, e as comportas dos céus se abriram,
12 e houve copiosa chuva sobre a terra durante quarenta dias e quarenta noites.
13 Nesse mesmo dia entraram na arca Noé, seus filhos Sem, Cam e Jafé, sua mulher e as mulheres de seus filhos;
14 eles, e todos os animais segundo as suas espécies, todo gado segundo as suas espécies, todos os répteis que rastejam sobre a terra segundo as suas espécies, todas as aves segundo as suas espécies, todos os pássaros e tudo o que tem asa.
15 De toda carne, em que havia fôlego de vida, entraram de dois em dois para Noé na arca;
16 eram macho e fêmea os que entraram de toda carne, como Deus lhe havia ordenado; e o SENHOR fechou a porta após ele.

O dilúvio

17 Durou o dilúvio quarenta dias sobre a terra; cresceram as águas e levantaram a arca de sobre a terra.
18 Predominaram as águas e cresceram sobremodo na terra; a arca, porém, vogava sobre as águas.

9chuaigh dhá cheann de gach cineál díobh, fireann agus baineann isteach san áirc le Naoi, de réir mar d'ordaigh Dia do Naoi.
10Agus tar éis seacht lá tháinig uiscí na díleann ar an talamh.
11Sa bhliain sé chéad d'aois Naoi, sa dara mí, agus sa seachtú lá déag den mhí sin - an lá sin féin phléasc toibreacha uile an duibheagáin mhóir, agus osclaíodh comhlaí uisce neimhe.
12Bhí sé ag fearthainn ar an talamh ar feadh daichead lá agus daichead oíche.
13An lá sin féin is ea a chuaigh Naoi isteach san áirc lena mhic Séam, Hám agus Iáfat, agus triúr ban a mhac,
14agus in éineacht leo gach ainmhí de réir a gcineáil, an t-eallach go léir de réir a gcineáil, gach péist a shníonn ar talamh de réir a gcineáil, an éanlaith go léir de réir a gcineáil, gach éan de gach sórt.
15Chuaigh isteach san áirc le Naoi cúpla ar chúpla de gach feoil ina bhfuil anáil na beatha.
16Chuaigh isteach, más ea, fireannach agus baineannach den uile chineál is feoil, mar a d'ordaigh Dia dó. Agus dhún an Tiarna an doras ar Naoi.
17Mhair an díle daichead lá ar an talamh. Mhéadaigh ar na huiscí agus d'ardaíodar an áirc agus tógadh suas os cionn na talún í.
18Bhorr agus d'at na huiscí go tréan agus bhí an áirc ar snámh ar uachtar na n-uiscí.

[19] Prevaleceram as águas excessivamente sobre a terra e cobriram todos os altos montes que havia debaixo do céu.
[20] Quinze côvados acima deles prevaleceram as águas; e os montes foram cobertos.
[21] Pereceu toda carne que se movia sobre a terra, tanto de ave como de animais domésticos e animais selváticos, e de todos os enxames de criaturas que povoam a terra, e todo homem.
[22] Tudo o que tinha fôlego de vida em suas narinas, tudo o que havia em terra seca, morreu.
[23] Assim, foram exterminados todos os seres que havia sobre a face da terra; o homem e o animal, os répteis e as aves dos céus foram extintos da terra; ficou somente Noé e os que com ele estavam na arca.
[24] E as águas durante cento e cinqüenta dias predominaram sobre a terra.

[19]D'ardaigh agus d'ardaigh na huiscí ar talamh i dtreo gur folaíodh na sléibhte arda go léir faoin spéir.

[20]D'éirigh an t-uisce cúig bhanlámh déag suas thar na sléibhte a d'fholaigh sé.

[21]D'éag an uile fheoil dár chorraigh ar talamh - idir éanlaith agus eallach, agus ainmhithe allta agus na dúile go léir a shníonn ar talamh, agus na daoine go léir.

[22]Agus an uile ní ar talamh tirim ina raibh anáil na beatha trína pholláirí, fuair sé bás.

[23]Scrios [an Tiarna] an uile dhúil bheo dá raibh ar chlár na talún - daoine agus ainmhithe, péisteanna agus éanlaith an aeir; scuab sé de dhroim na talún iad agus níor fágadh ach Naoi agus a raibh fairis san áirc.

[24]Ar feadh céad go leith lá bhí an lámh in uachtar ag na huiscí ar an talamh.

Gênesis 8

Diminuem as águas do dilúvio

[1] Lembrou-se Deus de Noé e de todos os animais selváticos e de todos os animais domésticos que com ele estavam na arca; Deus fez soprar um vento sobre a terra, e baixaram as águas.
[2] Fecharam-se as fontes do abismo e também as comportas dos céus, e a copiosa chuva dos céus se deteve.

[3] As águas iam-se escoando continuamente de sobre a terra e

Geineasas 8

[1]Ach chuimhnigh Dia ar Naoi agus ar na hainmhithe go léir agus ar an eallach go léir a bhí fairis san áirc. Agus sheol Dia gaoth thar an talamh agus ceansaíodh na huiscí.
[2]Dúnadh toibreacha an duibheagáin agus comhlaí uisce neimhe: coisceadh an fhearthainn ó neamh.
[3]Chúlaigh na huiscí ón talamh de réir a chéile; faoi chionn céad go leith lá bhí na huiscí tráite.

minguaram ao cabo de cento e cinqüenta dias.

4 No dia dezessete do sétimo mês, a arca repousou sobre as montanhas de Ararate.

5 E as águas foram minguando até ao décimo mês, em cujo primeiro dia apareceram os cimos dos montes.

Noé solta um corvo e depois uma pomba

6 Ao cabo de quarenta dias, abriu Noé a janela que fizera na arca

7 e soltou um corvo, o qual, tendo saído, ia e voltava, até que se secaram as águas de sobre a terra.

8 Depois, soltou uma pomba para ver se as águas teriam já minguado da superfície da terra;

9 mas a pomba, não achando onde pousar o pé, tornou a ele para a arca; porque as águas cobriam ainda a terra. Noé, estendendo a mão, tomou-a e a recolheu consigo na arca.

10 Esperou ainda outros sete dias e de novo soltou a pomba fora da arca.

11 À tarde, ela voltou a ele; trazia no bico uma folha nova de oliveira; assim entendeu Noé que as águas tinham minguado de sobre a terra.

12 Então, esperou ainda mais sete dias e soltou a pomba; ela, porém, já não tornou a ele.

Noé e sua família saem da arca

13 Sucedeu que, no primeiro dia do primeiro mês, do ano seiscentos e um, as águas se secaram de sobre a terra. Então,

4Sa seachtú mí, ar an seachtú lá déag den mhí sin, luigh an áirc ar shléibhte Ararat.

5Bhí na huiscí ag trá leo go dtí an deichiú mí; agus sa deichiú mí, ar an gcéad lá den mhí, nocht mullaí na sleibhte.

6Faoi chionn daichead lá d'oscail Naoi an fhuinneog a bhí déanta aige san áirc

7agus scaoil uaidh amach an fiach dubh. D'imigh seisean leis agus bhí ag guardal thart go dtí gur thriomaigh na huiscí den talamh.

8Ansin scaoil sé colm uaidh amach féachaint ar thráigh na tuilte de dhroim na talún.

9Ach ní bhfuair an colm aon áit ar a leagfadh sé a chos agus d'fhill sé ar ais air san áirc, mar bhí na huiscí ar uachtar na talún ar fad fós. Chuir [Naoi] a lámh amach, rug greim air agus thug ar ais isteach san áirc é.

10Tar éis moill seacht lá eile ansin, scaoil sé an colm amach as an áirc arís.

11Agus d'fhill an colm ar ais air tráthnóna, agus féach! bhí craobh úr olóige ina ghob. Thuig Naoi ansin go raibh na huiscí tráite ón talamh.

12D'fhan sé seacht lá eile, mar sin, agus scaoil an colm uaidh arís; agus níor fhill sé air a thuilleadh.

13Sa bhliain sé chéad agus a haon d'aois Naoi, ar an gcead mhí, ar an gcéad lá den mhí is ea a triomaíodh na huiscí den

Noé removeu a cobertura da arca e olhou, e eis que o solo estava enxuto.

[14] E, aos vinte e sete dias do segundo mês, a terra estava seca.

[15] Então, disse Deus a Noé:

[16] Sai da arca, e, contigo, tua mulher, e teus filhos, e as mulheres de teus filhos.

[17] Os animais que estão contigo, de toda carne, tanto aves como gado, e todo réptil que rasteja sobre a terra, faze sair a todos, para que povoem a terra, sejam fecundos e nela se multipliquem.

[18] Saiu, pois, Noé, com seus filhos, sua mulher e as mulheres de seus filhos.

[19] E também saíram da arca todos os animais, todos os répteis, todas as aves e tudo o que se move sobre a terra, segundo as suas famílias.

Noé levanta um altar

[20] Levantou Noé um altar ao SENHOR e, tomando de animais limpos e de aves limpas, ofereceu holocaustos sobre o altar.

[21] E o SENHOR aspirou o suave cheiro e disse consigo mesmo: Não tornarei a amaldiçoar a terra por causa do homem, porque é mau o desígnio íntimo do homem desde a sua mocidade; nem tornarei a ferir todo vivente, como fiz.

[22] Enquanto durar a terra, não deixará de haver sementeira e ceifa, frio e calor, verão e inverno, dia e noite.

talamh, agus d'oscail Naoi comhla na háirce, agus d'fhéach amach. Bhí clár na talún tirim!

[14]Sa dara mí, ar an seachtú lá fichead den mhí, bhí an talamh tirim.

[15]Agus dúirt Dia le Naoi:

[16]“Amach leat as an áirc! tú féin agus do chlann mhac, agus mná do mhac mar aon leat!

[17]Beir leat amach a bhfuil farat d'ainmhithe, an uile ní d'fheoil idir éanlaith agus ainmhithe agus phéisteanna a shníonn ar talamh. Téidís i líonmhaire ar talamh; bíodh toradh orthu agus síolaidís ar talamh.”

[18]Tháinig Naoi amach mar sin agus a chlann mhac, a bhean agus mná a mhac.

[19]Agus na hainmhithe allta go léir, agus an t-eallach go léir, an éanlaith go léir, agus na péisteanna go léir a shníonn ar talamh, amach leo as an áirc, cineál ar chineál.

[20]Agus rinne Naoi altóir don Tiarna, agus thoirbhir sé mar íobairt dhóite ar an altóir a rogha féin de na hainmhithe glana agus den éanlaith ghlan.

[21]Fuair an Tiarna an boladh cumhra agus dúirt sé leis féin: “Ní baol go gcuirfidh mé mallacht ar an talamh go brách arís de bharr an duine, óir is ar an olc atá a chroí meáite ag an duine óna óige. Ní bhuailfidh mé an uile dhúil bheo mar a rinne mé go deo arís.

[22]Fad a bheidh an talamh ann, ní rachaidh stad arís ar shíolchur ná ar fhómhar, ar

fhuacht ná ar theas, ar shamhradh ná ar gheimhreadh, ar lá ná ar oíche.”

Gênesis 9

A aliança de Deus com Noé

1 Abençoou Deus a Noé e a seus filhos e lhes disse: Sede fecundos, multiplicai-vos e enchei a terra.

2 Pavor e medo de vós virão sobre todos os animais da terra e sobre todas as aves dos céus; tudo o que se move sobre a terra e todos os peixes do mar nas vossas mãos serão entregues.

3 Tudo o que se move e vive ser-vos-á para alimento; como vos dei a erva verde, tudo vos dou agora.

4 Carne, porém, com sua vida, isto é, com seu sangue, não comereis.

5 Certamente, requererei o vosso sangue, o sangue da vossa vida; de todo animal o requererei, como também da mão do homem, sim, da mão do próximo de cada um requererei a vida do homem.

6 Se alguém derramar o sangue do homem, pelo homem se derramará o seu; porque Deus fez o homem segundo a sua imagem.

7 Mas sede fecundos e multiplicai-vos; povoai a terra e multiplicai-vos nela.

8 Disse também Deus a Noé e a seus filhos:

9 Eis que estabeleço a minha aliança convosco, e com a vossa descendência,

Geineasas 9

1Bheannaigh an Tiarna Naoi agus a chlann mhac agus dúirt sé leo: “Bíodh an rath oraibh, téigí i líonmhaire agus líonaigí an talamh.

2Bíodh scéin agus eagla romhaibh ar na hainmhithe allta go léir, ar éanlaith an aeir go léir, ar gach a shníonn ar talamh, agus ar iasc na farraige go léir; faoi bhur lámha a cuireadh iad go léir.

3Gach dúil bheo ina bhfuil lúth, bídís agaibh mar bhia, chomh maith leis na luibheanna glasa. Tugaim gach ní daoibh,

4ach ná hithigí feoil ina bhfuil an t-anam, sé sin an fhuil.

5Éileoidh mé cuntas ar fhuil bhur n-anama; éileoidh mé é sin ó gach ainmhí agus ó gach duine. Éileoidh mé cuntas ar anam gach duine óna chomhdhuine.

6Cibé a dhoirtfidh fuil duine is le duine a dhoirtfear a fhuil, óir is ar dheilbh Dé a rinneadh an duine.

7Ach sibhse, bígí torthach agus téigí i líonmhaire; bíodh an rath go raidhseach oraibh ar an talamh agus bíodh smacht agaibh air.”

8Dúirt Dia le Naoi agus lena chlann mhac:

9“Féach, daingním mo Chonradh leatsa agus le do shíol i do dhiaidh;

10 e com todos os seres viventes que estão convosco: tanto as aves, os animais domésticos e os animais selváticos que saíram da arca como todos os animais da terra.	10agus mar an gcéanna le gach uile dhúil bheo dá bhfuil faraibh, an éanlaith, an t-eallach, agus gach ainmhí allta atá faraibh, a dtáinig amach as an áirc, a bhfuil beo ar talamh.
11 Estabeleço a minha aliança convosco: não será mais destruída toda carne por águas de dilúvio, nem mais haverá dilúvio para destruir a terra.	11Daingním mo Chonradh libh; go deo arís ní scriosfar an uile fheoil le huiscí díleann, ná ní bheidh go deo arís díle ann chun an domhan a scrios."
12 Disse Deus: Este é o sinal da minha aliança que faço entre mim e vós e entre todos os seres viventes que estão convosco, para perpétuas gerações:	12Agus dúirt Dia: "Seo é comhartha an Chonartha a dhéanaim idir mé féin agus sibhse agus gach dúil bheo atá faraibh ar feadh na nglún go léir le teacht.
13 porei nas nuvens o meu arco; será por sinal da aliança entre mim e a terra.	13Cuirim mo bhogha sna néalta i gcomhartha an Chonartha idir mise agus an talamh.
14 Sucederá que, quando eu trouxer nuvens sobre a terra, e nelas aparecer o arco,	14Nuair a chruinneoidh mé na néalta os cionn na talún agus go bhfeicfear an bogha sna néalta,
15 então, me lembrarei da minha aliança, firmada entre mim e vós e todos os seres viventes de toda carne; e as águas não mais se tornarão em dilúvio para destruir toda carne.	15cuimhneoidh mé ar an gConradh atá idir mise agus sibhse, agus gach dúil bheo den uile fheoil; agus ní dhéanfaidh díle go deo arís de na huiscí chun an uile fheoil a scrios.
16 O arco estará nas nuvens; vê-lo-ei e me lembrarei da aliança eterna entre Deus e todos os seres viventes de toda carne que há sobre a terra.	16Nuair a bheidh an bogha sna néalta, féachfaidh mé air agus cuimhneoidh mé ar an gConradh síoraí atá idir Dia agus an uile dhúil bheo den uile fheoil dá bhfuil ar talamh."
17 Disse Deus a Noé: Este é o sinal da aliança estabelecida entre mim e toda carne sobre a terra.	17Dúirt Dia le Naoi: "É seo comhartha an Chonartha a dhaingnigh mé idir mé agus an uile fheoil dá bhfuil ar talamh."
	Tar Éis na Díleann
18 Os filhos de Noé, que saíram da arca, foram Sem, Cam e Jafé; Cam é o pai de Canaã.	18Ba iad Séam, Hám agus Iáfat clann mhac Naoi a tháinig as an áirc; ó Hám a shíolraigh Canán.

[19] São eles os três filhos de Noé; e deles se povoou toda a terra.

Noé pronuncia bênção e maldição

[20] Sendo Noé lavrador, passou a plantar uma vinha.

[21] Bebendo do vinho, embriagou-se e se pôs nu dentro de sua tenda.

[22] Cam, pai de Canaã, vendo a nudez do pai, fê-lo saber, fora, a seus dois irmãos.

[23] Então, Sem e Jafé tomaram uma capa, puseram-na sobre os próprios ombros de ambos e, andando de costas, rostos desviados, cobriram a nudez do pai, sem que a vissem.

[24] Despertando Noé do seu vinho, soube o que lhe fizera o filho mais moço

[25] e disse: Maldito seja Canaã; seja servo dos servos a seus irmãos.

[26] E ajuntou: Bendito seja o SENHOR, Deus de Sem; e Canaã lhe seja servo.

[27] Engrandeça Deus a Jafé, e habite ele nas tendas de Sem; e Canaã lhe seja servo.

[28] Noé, passado o dilúvio, viveu ainda trezentos e cinqüenta anos.

[29] Todos os dias de Noé foram novecentos e cinqüenta anos; e morreu.

Gênesis 10

Descendentes dos filhos de Noé

1 Crônicas 1.5-23

[19]Ba iadsan clann mhac Naoi agus is é a síol a leath ar fud an domhain go léir.

[20]Saothróir talún Naoi agus ba é an chéad duine é a phlandaigh fíonghort.

[21]D'ól sé cuid den fhíon agus fad bhí an mheisce air, bhí sé nochta ina bhoth.

[22]Chonaic Hám, an té ónár shíolraigh Canán, a athair agus é nochta agus dúirt sé é lena bheirt dearthár lasmuigh.

[23]Ansin thóg Séam agus Iáfat brat, chuir ar a slinneáin é, agus isteach leo i ndiaidh a gcúil agus d'fholaíodar baill nochta a n-athar. Bhí a n-aghaidh iompaithe uaidh i dtreo nach bhfacadar baill nochta a n-athar.

[24]Nuair a tháinig Naoi chuige féin ón meisce fhíona agus go bhfaca sé cad a rinne an mac a ba óige leis,

[25]dúirt sé: “Go raibh mallacht ar Chanán! Beidh sé ina dhaor na ndaor ag a dheartháireacha.”

[26]Lean sé air: “Go raibh beannacht ar Shéam ón Tiarna Dia. Go raibh Canán aige ina dhaor.

[27]Go méadaí Dia Iáfat! Go lonnaí sé i mbothanna Shéam. Go raibh Canán aige ina dhaor.”

[28]Mhair Naoi trí chéad go leith bliain tar éis na díleann. Mhair sé naoi gcéad go leith bliain ar fad agus ansin fuair sé bas.

Geineasas 10

1 São estas as gerações dos filhos de Noé, Sem, Cam e Jafé; e nasceram-lhes filhos depois do dilúvio.

2 Os filhos de Jafé são: Gomer, Magogue, Madai, Javã, Tubal, Meseque e Tiras.

3 Os filhos de Gomer são: Asquenaz, Rifate e Togarma.

4 Os de Javã são: Elisá, Társis, Quitim e Dodanim.

5 Estes repartiram entre si as ilhas das nações nas suas terras, cada qual segundo a sua língua, segundo as suas famílias, em suas nações.

6 Os filhos de Cam: Cuxe, Mizraim, Pute e Canaã.

7 Os filhos de Cuxe: Sebá, Havilá, Sabtá, Raamá e Sabtecá; e os filhos de Raamá: Sabá e Dedã.

8 Cuxe gerou a Ninrode, o qual começou a ser poderoso na terra.

9 Foi valente caçador diante do SENHOR; daí dizer-se: Como Ninrode, poderoso caçador diante do SENHOR.

10 O princípio do seu reino foi Babel, Ereque, Acade e Calné, na terra de Sinar.

11 Daquela terra saiu ele para a Assíria e edificou Nínive, Reobote-Ir e Calá.

12 E, entre Nínive e Calá, a grande cidade de Resém.

13 Mizraim gerou a Ludim, a Anamim, a Leabim, a Naftuim,

14 a Patrusim, a Casluim (donde saíram os filisteus) e a Caftorim.

1 Seo anois sliocht chlann Naoi, Séam, Hám agus Iáfat. Rugadh clann mhac dóibh tar éis na díleann.

2 Clann Iáfat: Gómar agus Mágóg agus Iáván agus Túbál agus Meisic agus Tíoras.

3 Clann Ghómar: Aisceanaz agus Rífeat agus Togarmá.

4 Clann Iáván: Eilíseá agus Tairsís agus Citím agus Dodáiním.

5 Uathusan a leath na daoine amach ar oileáin na nginte. [Sin iad clann mhac Iáfat] de réir a dtíortha, agus a dteangacha faoi leith, de réir a dtreibheanna agus a gciníocha.

6 Clann mhac Hám: Cúis agus Miosráím agus Pút agus Canán.

7 Clann mhac Chúis: Sabá agus Havalá agus Sabtá agus Rámá agus Sabtacá. Clann mhac Rámá: Seabá agus Deadán.

8 Ghin Cúis Niomrod, an chéad fhear ar talamh a ndearnadh flaith de.

9 Fiagaí éachtach a ba ea é i láthair an Tiarna, agus uime sin a deir an seanfhocal: "Fiagaí éachtach i láthair an Tiarna mar Niomrod."

10 Thosaigh a ríocht le Báibil agus Eiric agus Acad, agus iad seo uile i dtír Shionár.

11 Ón tír sin a tháinig Aisiúr a thóg Nínivé agus Rahobot Ír agus Cálach,

12 agus Reisen idir Nínivé agus Cálach; cathair mhór í sin.

13 Ghin Miosráím muintir Lúd agus Anám agus Laháb agus Naftúch

14 agus Patrús agus Caslúch, ónar shíolraigh na Filistínigh, agus Caftór.

[15] Canaã gerou a Sidom, seu primogênito, e a Hete,
[16] e aos jebuseus, aos amorreus, aos girgaseus,
[17] aos heveus, aos arqueus, aos sineus,
[18] aos arvadeus, aos zemareus e aos hamateus; e depois se espalharam as famílias dos cananeus.
[19] E o limite dos cananeus foi desde Sidom, indo para Gerar, até Gaza, indo para Sodoma, Gomorra, Admá e Zeboim, até Lasa.
[20] São estes os filhos de Cam, segundo as suas famílias, segundo as suas línguas, em suas terras, em suas nações.
[21] A Sem, que foi pai de todos os filhos de Héber e irmão mais velho de Jafé, também lhe nasceram filhos.
[22] Os filhos de Sem são: Elão, Assur, Arfaxade, Lude e Arã.
[23] Os filhos de Arã: Uz, Hul, Geter e Más.
[24] Arfaxade gerou a Salá; Salá gerou a Héber.
[25] A Héber nasceram dois filhos: um teve por nome Pelegue, porquanto em seus dias se repartiu a terra; e o nome de seu irmão foi Joctã.
[26] Joctã gerou a Almodá, a Selefe, a Hazar-Mavé, a Jerá,
[27] a Hadorão, a Uzal, a Dicla,
[28] a Obal, a Abimael, a Sabá,
[29] a Ofir, a Havilá e a Jobabe; todos estes foram filhos de Joctã.

[15]Ghin Canán Síodón a chéad mhac, agus Héat,
[16]agus na Iabúsaigh, na hAmóraigh, na Giorgáisigh,
[17]na Hivigh, na hArcaigh, na Suínigh,
[18]na hArvadaigh, na Zamáraigh, agus na Hamátaigh. Ina dhiaidh sin, leath treibheanna na gCanánach amach.
[19]Ghabh críocha Chanán ó Shíodón i dtreo Ghearár go Gazá agus i dtreo Shodom agus Gomorá agus Adamá agus Zabóím go Laise.
[20]Sin iad clann Hám de réir a dtreibheanna agus a dteangacha, de réir a gcríoch agus a gciníocha.
[21]Rugadh clann chomh maith do Shéam, an té ónar shíolraigh clann Éibir ar fad, agus sinsear a dhearthár Iáfat.
[22]Clann Shéam: Éalam agus Aisiúr agus Arpaicsead, agus Lúd agus Arám.
[23]Clann Arám: Úz agus Húl agus Geitir agus Mais.
[24]Ghin Arpaicsead Seálach, agus ghin Seálach Éibir.
[25]Agus rugadh beirt mhac do Éibir; tugadh Roinnt ar an gcéad duine mar gur lena linn a roinneadh an talamh, agus tugadh Ioctán ar a dhearthái r.
[26]Ghin Ioctán Almódád agus Seilif agus Hazarmávat agus Iárach
[27]agus Hadórám agus Úzál agus Dicleá,
[28]agus Óbál agus Abamáél agus Seabá
[29]agus Óifir agus Havalá agus Ióbáb; clann Ioctán iadsan go léir.

[30] E habitaram desde Messa, indo para Sefar, montanha do Oriente.
[31] São estes os filhos de Sem, segundo as suas famílias, segundo as suas línguas, em suas terras, em suas nações.
[32] São estas as famílias dos filhos de Noé, segundo as suas gerações, nas suas nações; e destes foram disseminadas as nações na terra, depois do dilúvio.

Gênesis 11

A torre de Babel

[1] Ora, em toda a terra havia apenas uma linguagem e uma só maneira de falar.
[2] Sucedeu que, partindo eles do Oriente, deram com uma planície na terra de Sinar; e habitaram ali.
[3] E disseram uns aos outros: Vinde, façamos tijolos e queimemo-los bem. Os tijolos serviram-lhes de pedra, e o betume, de argamassa.
[4] Disseram: Vinde, edifiquemos para nós uma cidade e uma torre cujo tope chegue até aos céus e tornemos célebre o nosso nome, para que não sejamos espalhados por toda a terra.
[5] Então, desceu o SENHOR para ver a cidade e a torre, que os filhos dos homens edificavam;

[6] e o SENHOR disse: Eis que o povo é um, e todos têm a mesma linguagem. Isto é apenas o começo; agora não haverá restrição para tudo que intentam fazer.

[30]Bhí cónaí orthu sa dúiche ó Mhéiseá i dtreo Shafar, an tír chnocach lastoir.
[31]Sin iad clann mhac Shéam de réir a dtreibheanna agus a dteangacha, de réir a gcríoch agus a gciníocha.
[32]Sin iad treibheanna chlann Naoi de réir a síol agus a gciníocha. Uathusan a leath na ciníocha ar fud an domhain tar éis na díleann.

Geineasas 11

Báibil

[1]Labhair daoine an teanga chéanna agus na focail chéanna ar fud an domhain mhóir.
[2]Agus ag teacht anoir dóibh thángadar ar mhachaire i dtír Shionár agus chuireadar fúthu ann.
[3]Agus dúradar lena chéile: “Téanam agus déanaimis brící agus tugaimis tine dóibh” - brící a bhíodh acu in áit cloch agus pic in áit moirtéil -
[4]“Téanam,” ar siad, “agus tógaimis cathair dúinn féin, agus túr agus a bharr ag baint neimhe amach in airde. Tuillimis clú dúinn féin sula scaipfí ar fud chlár na cruinne go léir sinn.”
[5]Ansin tháinig an Tiarna anuas go bhfeicfeadh sé an chathair agus an túr a thóg na daoine daonna.
[6]“Féach,” arsa an Tiarna, “aon mhuintir amháin iad le haon teanga amháin acu go léir. Níl sa mhéid seo ach tús na mbeart a dhéanfaidh siad; níl aon ní dá bhfuil acu á bheartú nach bhféadfaidh siad a chur i gcrích.

[7] Vinde, desçamos e confundamos ali a sua linguagem, para que um não entenda a linguagem de outro.

[8] Destarte, o SENHOR os dispersou dali pela superfície da terra; e cessaram de edificar a cidade.

[9] Chamou-se-lhe, por isso, o nome de Babel, porque ali confundiu o SENHOR a linguagem de toda a terra e dali o SENHOR os dispersou por toda a superfície dela.

Descendentes de Sem

1 Crônicas 1.24-27

[10] São estas as gerações de Sem. Ora, ele era da idade de cem anos quando gerou a Arfaxade, dois anos depois do dilúvio;

[11] e, depois que gerou a Arfaxade, viveu Sem quinhentos anos; e gerou filhos e filhas.

[12] Viveu Arfaxade trinta e cinco anos e gerou a Salá;

[13] e, depois que gerou a Salá, viveu Arfaxade quatrocentos e três anos; e gerou filhos e filhas.

[14] Viveu Salá trinta anos e gerou a Héber;

[15] e, depois que gerou a Héber, viveu Salá quatrocentos e três anos; e gerou filhos e filhas.

[16] Viveu Héber trinta e quatro anos e gerou a Pelegue;

[17] e, depois que gerou a Pelegue, viveu Héber quatrocentos e trinta anos; e gerou filhos e filhas.

[18] Viveu Pelegue trinta anos e gerou a Reú;

[7]Téanam, téimis síos agus déanaimis cíor thuathail dá dteanga ar an bhfód i dtreo nach dtuigfidis caint a chéile a thuilleadh."

[8]Agus chuir an Tiarna fán orthu ón áit sin ar fud chlár na cruinne ar fad, agus scoireadar de thógáil na cathrach.

[9]Tugadh Báibil uirthi uime sin mar go ndearna an Tiarna cíor thuathail de theangacha an domhain go léir ansiúd; agus chuir an Tiarna fán orthu ón áit sin ar fud chlár na cruinne go léir.

[10]Seo iad sliocht Shéam: Nuair a bhí Séam céad bliain d'aois ghin sé Arpaicsead dhá bhliain tar éis na díleann.

[11]Mhair Séam cúig chéad bliain tar éis Arpaicsead a shaolú, agus ghin sé mic agus iníonacha.

[12]Nuair a bhí Arpaicsead cúig bliana déag ar fhichid ghin sé Seálach.

[13]Mhair Arpaicsead trí bliana agus ceithre chéad tar éis Seálach a shaolú agus ghin sé mic agus iníonacha eile.

[14]Nuair a bhí Seálach deich mbliana fichead d'aois ghin sé Éibir.

[15]Mhair Seálach trí bliana agus ceithre chéad tar éis Éibir a shaolú agus ghin sé mic agus iníonacha.

[16]Nuair a bhí Éibir ceithre bliana déag ar fhichid ghin sé Roinnt.

[17]Mhair Éibir ceithre chéad agus a tríocha bliain tar éis Roinnt a shaolú agus ghin sé mic agus iníonacha.

[18]Nuair a bhí Roinnt deich mbliana fichead d'aois ghin sé Reú.

[19] e, depois que gerou a Reú, viveu Pelegue duzentos e nove anos; e gerou filhos e filhas.
[20] Viveu Reú trinta e dois anos e gerou a Serugue;
[21] e, depois que gerou a Serugue, viveu Reú duzentos e sete anos; e gerou filhos e filhas.
[22] Viveu Serugue trinta anos e gerou a Naor;
[23] e, depois que gerou a Naor, viveu Serugue duzentos anos; e gerou filhos e filhas.
[24] Viveu Naor vinte e nove anos e gerou a Tera;
[25] e, depois que gerou a Tera, viveu Naor cento e dezenove anos; e gerou filhos e filhas.
[26] Viveu Tera setenta anos e gerou a Abrão, a Naor e a Harã.
[27] São estas as gerações de Tera. Tera gerou a Abrão, a Naor e a Harã; e Harã gerou a Ló.
[28] Morreu Harã na terra de seu nascimento, em Ur dos caldeus, estando Tera, seu pai, ainda vivo.
[29] Abrão e Naor tomaram para si mulheres; a de Abrão chamava-se Sarai, a de Naor, Milca, filha de Harã, que foi pai de Milca e de Iscá.
[30] Sarai era estéril, não tinha filhos.
[31] Tomou Tera a Abrão, seu filho, e a Ló, filho de Harã, filho de seu filho, e a Sarai, sua nora, mulher de seu filho Abrão, e

[19]Mhair Roinnt naoi mbliana agus dhá chéad tar éis Reú a shaolú agus ghin sé mic agus iníonacha.
[20]Nuair a bhí Reú dhá bhliain déag ar fhichid ghin sé Sarúg.
[21]Mhair Reú seacht mbliana agus dhá chéad tar éis Sarúg a shaolú agus ghin sé mic agus iníonacha.
[22]Nuair a bhí Sarúg deich mbliana fichead d'aois ghin sé Náchór.
[23]Mhair Sarúg dhá chéad bliain tar éis Náchór a shaolú agus ghin sé mic agus iníonacha.
[24]Nuair a bhí Náchór naoi mbliana fichead d'aois ghin sé Tearach.
[25]Mhair Náchór naoi mbliana déag agus céad tar éis Tearach a shaolú agus ghin sé mic agus iníonacha.
[26]Nuair a bhí Tearach deich mbliana agus trí fichid ghin sé Abrám agus Náchór agus Hárán.
[27]Seo sliocht Thearach: Ghin Tearach Abrám, Náchór agus Hárán. Ghin Hárán Lót.
[28]D'éag Hárán i láthair a athar ina thír dhúchais, Úr na gCaildéach.
[29]Phós Abrám agus Náchór. Sáraí a b'ainm do bhean Abrám agus Milceá a b'ainm do bhean Náchór iníon Hárán, athair Milceá agus Isceá.
[30]Bhí Sáraí aimrid agus í gan leanbh.
[31]Thug Tearach leis Abrám a mhac agus Lót mac Hárán mac a mhic, agus Sáraí bean a mhic, bean Abrám, agus amach leo

saiu com eles de Ur dos caldeus, para ir à terra de Canaã; foram até Harã, onde ficaram.

32 E, havendo Tera vivido duzentos e cinco anos ao todo, morreu em Harã.

Gênesis 12

Deus chama Abrão e lhe faz promessas

1 Ora, disse o SENHOR a Abrão: Sai da tua terra, da tua parentela e da casa de teu pai e vai para a terra que te mostrarei;

2 de ti farei uma grande nação, e te abençoarei, e te engrandecerei o nome. Sê tu uma bênção!

3 Abençoarei os que te abençoarem e amaldiçoarei os que te amaldiçoarem; em ti serão benditas todas as famílias da terra.

4 Partiu, pois, Abrão, como lho ordenara o SENHOR, e Ló foi com ele. Tinha Abrão setenta e cinco anos quando saiu de Harã.

5 Levou Abrão consigo a Sarai, sua mulher, e a Ló, filho de seu irmão, e todos os bens que haviam adquirido, e as pessoas que lhes acresceram em Harã. Partiram para a terra de Canaã; e lá chegaram.

6 Atravessou Abrão a terra até Siquém, até ao carvalho de Moré. Nesse tempo os cananeus habitavam essa terra.

le chéile ó Úr na gCaildéach ag triall ar thír Chanán. Ach nuair a thángadar go Hárán chuireadar fúthu ann.

32Bhí cúig bliana agus dhá chéad d'fhad saoil ag Tearach; ansin fuair sé bás i Hárán.

Geineasas 12

Glaoch Abrahám

1Dúirt an Tiarna le hAbrám: “Imigh ó do thír féin, agus ó do mhuintir féin agus ó theach d'athar chun na tíre a thaispeánfaidh mé duit.

2Déanfaidh mé cine mór díot agus beannóidh mé thú agus mórfaidh mé d'ainm chomh mór sin go mbeidh sé mar bheannacht ag daoine.

3Beidh mo bheannacht ar an muintir a chuirfidh beannacht ort. Beidh mo mhallacht ar an muintir a chuirfidh mallacht ort. Agus is tríotsa a dhéanfaidh ciníocha uile An domhain iad féin a bheannú.”

4D'imigh Abrám amach mar sin de réir mar a dúirt an Tiarna leis agus chuaigh Lót in éineacht leis. Bhí Abrám cúig bliana déag is trí fichid nuair a d'fhág sé Hárán.

5Agus thug sé leis Sáraí a bhean, agus Lót mac a dhearthár, agus a raibh de mhaoin cnuasaithe acu agus a raibh de dhaoir ina seilbh acu i Hárán. D'imíodar leo ar an mbealach go Canán. Nuair a thánadar go Canán

6ghabh Abrám tríd an tír go tearmann Sheicim, go Dair Mhóire. Agus bhí na Canánaigh sa tír an uair úd.

[7] Apareceu o SENHOR a Abrão e lhe disse: Darei à tua descendência esta terra. Ali edificou Abrão um altar ao SENHOR, que lhe aparecera.

[8] Passando dali para o monte ao oriente de Betel, armou a sua tenda, ficando Betel ao ocidente e Ai ao oriente; ali edificou um altar ao SENHOR e invocou o nome do SENHOR.

[9] Depois, seguiu Abrão dali, indo sempre para o Neguebe.

Abrão no Egito

[10] Havia fome naquela terra; desceu, pois, Abrão ao Egito, para aí ficar, porquanto era grande a fome na terra.

[11] Quando se aproximava do Egito, quase ao entrar, disse a Sarai, sua mulher: Ora, bem sei que és mulher de formosa aparência;

[12] os egípcios, quando te virem, vão dizer: É a mulher dele e me matarão, deixando-te com vida.

[13] Dize, pois, que és minha irmã, para que me considerem por amor de ti e, por tua causa, me conservem a vida.

[14] Tendo Abrão entrado no Egito, viram os egípcios que a mulher era sobremaneira formosa.

[15] Viram-na os príncipes de Faraó e gabaram-na junto dele; e a mulher foi levada para a casa de Faraó.

[16] Este, por causa dela, tratou bem a Abrão, o qual veio a ter ovelhas, bois,

[7]Thaispeáin an Tiarna é féin d'Abrám agus dúirt: “Is do do shíolsa a thabharfaidh mé an tír seo.” Ansin rinne sé altóir don Tiarna a thaispeáin é féin dó.

[8]Chuaigh sé as sin go dtí sliabh soir ó Bhéitéil, mar ar chuir sé suas a bhoth agus Béitéil laistiar dó agus Háí lastoir. Rinne sé altóir don Tiarna ansin ansiúd agus ghair sé ar ainm an Tiarna.

[9]Agus bhog Abrám leis ag dul i dtreo an Neigib i gcónaí.

Abrám san Éigipt

[10]Tharla gorta sa tír, agus chuaigh Abrám ó dheas go dtí an Éigipt chun cónaí ann mar go raibh an gorta ag luí go trom ar an tír.

[11]Agus é ar tí dul isteach san Éigipt dúirt Abrám lena bhean Sáraí: “Féach anois, tá a fhios agam gur sciamhach an bhean tú le féachaint ort.

[12]Nuair a fheicfidh na hÉigiptigh thú, déarfaidh siad: ‘Sin í an bhean, ’ agus maróidh siad mise ach déanfaidh siad anacal ortsa.

[13]Abair leo gur tú mo dheirfiúr i dtreo go rithfidh go maith liom de do chionn-sa agus go ndéanfaí anacal orm ar do shonsa.”

[14]Agus nuair a chuaigh Abrám isteach san Éigipt chonaic na hÉigiptigh go raibh an bhean an-sciamhach.

[15]Nuair a chonaic flatha Fhorainn í, mholadar í i láthair Fhorainn agus tugadh an bhean isteach i bpálás Fhorainn.

[16]Agus chaith seisean go maith le hAbrám ar a son agus fuair sé caoirigh agus eallach,

jumentos, escravos e escravas, jumentas e camelos.

[17] Porém o SENHOR puniu Faraó e a sua casa com grandes pragas, por causa de Sarai, mulher de Abrão.

[18] Chamou, pois, Faraó a Abrão e lhe disse: Que é isso que me fizeste? Por que não me disseste que era ela tua mulher?

[19] E me disseste ser tua irmã? Por isso, a tomei para ser minha mulher. Agora, pois, eis a tua mulher, toma-a e vai-te.

[20] E Faraó deu ordens aos seus homens a respeito dele; e acompanharam-no, a ele, a sua mulher e a tudo que possuía.

agus asail, daoir fir agus mná, agus láracha asail, agus camaill.

[17]Chráigh an Tiarna Forann is a theaghlach le plánna troma mar gheall ar Sháraí bean Abrám.

[18]Ghlaoigh Forann chuige ar Abrám dá bhrí sin agus dúirt: “Cad é seo a rinne tú orm? Cén fáth nár inis tú gurbh í do bhean í?

[19]Cén fáth a ndúirt tú: ‘Is í mo dheirfiúr í, ’ i dtreo go ndearna mé mo chuid féin di? Sea anois, sin í do bhean agat! Beir leat í agus imigh!”

[20]D'ordaigh Forann buíon fear ina chúram agus chuireadar chun siúil é, é féin agus a bhean agus a raibh aige.

Gênesis 13

Abrão e Ló separam-se

[1] Saiu, pois, Abrão do Egito para o Neguebe, ele e sua mulher e tudo o que tinha, e Ló com ele.

[2] Era Abrão muito rico; possuía gado, prata e ouro.

[3] Fez as suas jornadas do Neguebe até Betel, até ao lugar onde primeiro estivera a sua tenda, entre Betel e Ai,

[4] até ao lugar do altar, que outrora tinha feito; e aí Abrão invocou o nome do SENHOR.

[5] Ló, que ia com Abrão, também tinha rebanhos, gado e tendas.

[6] E a terra não podia sustentá-los, para que habitassem juntos, porque eram muitos os seus bens; de sorte que não

Geineasas 13

Scaradh le Lót

[1]Tháinig Abrám ón Éigipt isteach sa Neigib lena bhean agus a raibh aige agus Lót fairis.

[2]Bhí Abrám an-saibhir le heallach, le hairgead agus le hór.

[3]Ar aghaidh leis de réir a chéile ón Neigib go Béitéil, mar ar chuir sé suas a bhoth ar dtús idir Béitéil agus Hái

[4]mar ar thóg sé altóir roimhe sin. Ghair Abrám ar ainm an Tiarna ansiúd.

[5]Agus Lót a bhí ag taisteal fara Abrám, bhí tréada agus eallach agus bothanna leis féin aige

[6]i dtreo nár fhéad an talamh iad araon le chéile a chothú mar bhí an iomad maoine acu chun cónaí le chéile.

podiam habitar um na companhia do outro.

[7] Houve contenda entre os pastores do gado de Abrão e os pastores do gado de Ló. Nesse tempo os cananeus e os ferezeus habitavam essa terra.

[7]Tharla aighneas dá bhrí sin idir aoirí thréad Abrám agus aoirí thréad Lót (bhí na Canánaigh agus na Pirizigh ina gcónaí sa tír an uair sin).

[8] Disse Abrão a Ló: Não haja contenda entre mim e ti e entre os meus pastores e os teus pastores, porque somos parentes chegados.

[8]Dúirt Abrám más ea le Lót: “Ná bíodh aon aighneas idir m'aoirí-sé agus d'aoirí-sé, mar is bráithre sinn.

[9] Acaso, não está diante de ti toda a terra? Peço-te que te apartes de mim; se fores para a esquerda, irei para a direita; se fores para a direita, irei para a esquerda.

[9]Má ghabhann tusa deiseal, rachadsa tuathal; má ghabhann tusa tuathal rachadsa deiseal.”

[10] Levantou Ló os olhos e viu toda a campina do Jordão, que era toda bem regada (antes de haver o SENHOR destruído Sodoma e Gomorra), como o jardim do SENHOR, como a terra do Egito, como quem vai para Zoar.

[10]D'ardaigh Lót a shúile agus chonaic go raibh gleann na hIordáine arna uisciú go fónta i ngach treo baill chomh fada le Zoar agus é amhail gairdín an Tiarna nó tír na hÉigipte - ba sular scrios an Tiarna Sodom agus Gomorá é sin.

[11] Então, Ló escolheu para si toda a campina do Jordão e partiu para o Oriente; separaram-se um do outro.

[11]Roghnaigh Lót gleann na hIordáine dó féin; ghluais Lót soir agus scaradar le chéile ar an gcuma sin.

[12] Habitou Abrão na terra de Canaã; e Ló, nas cidades da campina e ia armando as suas tendas até Sodoma.

[12]Chuir Abrám faoi i dtír Chanán; chuir Lót faoi i measc cathracha an ghleanna agus d'aistrigh sé a bhoth i gcóngar Shodom.

[13] Ora, os homens de Sodoma eram maus e grandes pecadores contra o SENHOR.

[13]Drochdhaoine a ba ea muintir Shodom agus peacaigh mhóra in aghaidh an Tiarna.

O SENHOR promete a Abrão a terra de Canaã

[14] Disse o SENHOR a Abrão, depois que Ló se separou dele: Ergue os olhos e olha desde onde estás para o norte, para o sul, para o oriente e para o ocidente;

[14]Dúirt an Tiarna le hAbrám tar éis do Lót scaradh leis: “Féach uait ón áit ina bhfuil tú ó thuaidh, ó dheas, soir agus siar.

[15] porque toda essa terra que vês, eu ta darei, a ti e à tua descendência, para sempre.

[15]An talamh go léir a fheiceann tú tabharfaidh mé duit é agus do do shíol go brách.

[16] Farei a tua descendência como o pó da terra; de maneira que, se alguém puder contar o pó da terra, então se contará também a tua descendência.

[17] Levanta-te, percorre essa terra no seu comprimento e na sua largura; porque eu ta darei.

[18] E Abrão, mudando as suas tendas, foi habitar nos carvalhais de Manre, que estão junto a Hebrom; e levantou ali um altar ao SENHOR.

Gênesis 14

Guerra de quatro reis contra cinco

[1] Sucedeu naquele tempo que Anrafel, rei de Sinar, Arioque, rei de Elasar, Quedorlaomer, rei de Elão, e Tidal, rei de Goim,

[2] fizeram guerra contra Bera, rei de Sodoma, contra Birsa, rei de Gomorra, contra Sinabe, rei de Admá, contra Semeber, rei de Zeboim, e contra o rei de Bela (esta é Zoar).

[3] Todos estes se ajuntaram no vale de Sidim (que é o mar Salgado).

[4] Doze anos serviram a Quedorlaomer, porém no décimo terceiro se rebelaram.

[5] Ao décimo quarto ano, veio Quedorlaomer e os reis que estavam com ele e feriram aos refains em Asterote-Carnaim, e aos zuzins em Hã, e aos emins em Savé-Quiriataim,

[6] e aos horeus no seu monte Seir, até El-Parã, que está junto ao deserto.

[16]Déanfaidh mé do shíol mar an luaithreach ar an talamh i dtreo má fhéadann daoine na cáithníní luaithe ar an talamh a chomhaireamh, ansin féadfaidh siad do shíolsa a chomhaireamh!

[17]Éirigh agus siúil an tír ó cheann ceann agus ó thaobh taobh, mar tabharfaidh mé duit é.”

[18]D'aistrigh Abrám a bhoth dá bhrí sin agus tháinig chun cónaí taobh le Dair Mhamrae, ag Heabrón agus thóg sé altóir don Tiarna ann.

Geineasas 14

Na Ceithre Ríthe

[1]Bhí Amráfal rí Shionár agus Airióc rí Eallásar agus Cadarláómar rí Ealám agus Tiodál rí na nGóím i réim

[2]agus d'fhear siad cogadh ar Bheara rí Shodom, ar Bhirseá rí Ghomorá, ar Shineáb rí Admá, ar Shiméibir rí Zabóím, agus ar rí Bhéala (is é sin le rá Zoar).

[3]Thángadar seo go léir le chéile i nGleann Shidím (Muir an tSáile, is é sin).

[4]Bhíodar dhá bhliain déag faoi ghéillsine ag Cadarláómar, ach an tríú bliain déag do chuireadar suas de.

[5]Sa cheathrú bliain déag tháinig Cadarláómar agus na ríthe a bhí i gcomhar leis agus bhuadar ar na Rafáím ag Aistearót Carnaím, ar na Zuzaím i Hám, na Héimím i machaire Chiriátáim, agus

[6]na Horaigh i Sléibhte Shaeír chomh fada le machaire Éil Párán ar imeall an fhásaigh.

[7] De volta passaram em En-Mispate (que é Cades) e feriram toda a terra dos amalequitas e dos amorreus, que habitavam em Hazazom-Tamar.

[8] Então, saíram os reis de Sodoma, de Gomorra, de Admá, de Zeboim e de Bela (esta é Zoar) e se ordenaram e levantaram batalha contra eles no vale de Sidim,

[9] contra Quedorlaomer, rei de Elão, contra Tidal, rei de Goim, contra Anrafel, rei de Sinar, contra Arioque, rei de Elasar: quatro reis contra cinco.

[10] Ora, o vale de Sidim estava cheio de poços de betume; os reis de Sodoma e de Gomorra fugiram; alguns caíram neles, e os restantes fugiram para um monte.

[11] Tomaram, pois, todos os bens de Sodoma e de Gomorra e todo o seu mantimento e se foram.

Ló é levado cativo

[12] Apossaram-se também de Ló, filho do irmão de Abrão, que morava em Sodoma, e dos seus bens e partiram.

[13] Porém veio um, que escapara, e o contou a Abrão, o hebreu; este habitava junto dos carvalhais de Manre, o amorreu, irmão de Escol e de Aner, os quais eram aliados de Abrão.

[14] Ouvindo Abrão que seu sobrinho estava preso, fez sair trezentos e dezoito homens dos mais capazes, nascidos em sua casa, e os perseguiu até Dã.

[7]Ansin d'fhilleadar agus thángadar go Tobar an Bhreithiúnais (Cáidéis, is é sin), agus leagadar lámh ar chríocha uile na nAmáiléiceach agus ar na hAmóraigh a chónaigh i Hazazon Támár.

[8]Ansin rí Shodom agus rí Ghomorá, agus rí Admá, agus rí Zabóím, agus rí Bhéala (is é sin le rá Zoar), chuadar amach agus chuireadar cath i nGleann Shidím

[9]ar Chadarláómar rí Ealám, Tiodál rí na nGóím, Amráfal rí Shionár agus Airióc rí Eallásár; ceathrar rí in aghaidh cúigir.

[10]Bhí a lán log pice i nGleann Shidím, agus ag teitheadh do ríthe Shodom agus Ghomorá, thit chuid díobh isteach iontu agus theith an chuid eile chun na gcnoc.

[11]Sciob an namhaid leo maoin uile Shodom agus Ghomorá agus a lón uile agus d'imíodar leo.

[12]Rugadar leo chomh maith Lót mac dearthár Abrám - bhí cónaí air i Sodom - agus a mhaoin uile, agus d'imíodar leo.

[13]Tháinig duine d'fhuíoll an áir go hAbrám an tEabhrach a raibh cónaí air ag Dair Mhamrae an tAmórach, dearthái Eisciol agus Áinéar; bhíodarsan i gcomhar le hAbrám.

[14]Ar gclos d'Abrám gur gabhadh a bhráthair gaoil, chuir sé tionól ar a raibh oilte ar airm dá mhuintir a rugadh ina theach, trí chéad agus ochtar déag, agus chuaigh ar a dtóir chomh fada le Dán.

[15] E, repartidos contra eles de noite, ele e os seus homens, feriu-os e os perseguiu até Hobá, que fica à esquerda de Damasco.

[15]D'ionsaigh sé féin is a shearbhóntaí iad i gcoim na hoíche agus chuir an teitheadh orthu go Hóbá lastuaidh de Dhamaisc.

[16] Trouxe de novo todos os bens, e também a Ló, seu sobrinho, os bens dele, e ainda as mulheres, e o povo.

[16]Thug sé leis ar ais an chreach go léir, agus thug ar ais a bhráthair Lót agus a mhaoin agus na mná agus na daoine.

[17] Após voltar Abrão de ferir a Quedorlaomer e aos reis que estavam com ele, saiu-lhe ao encontro o rei de Sodoma no vale de Savé, que é o vale do Rei.

Meilcizidic

[17]Nuair a d'fhill sé tar éis dó an cath a bhriseadh ar Chadarláómar agus ar na ríthe a bhí i gcomhar leis, chuaigh rí Shodom amach ina choinne i nGleann Sheávae (Gleann an Rí is é sin).

Melquisedeque abençoa a Abrão

[18] Melquisedeque, rei de Salém, trouxe pão e vinho; era sacerdote do Deus Altíssimo;

[18]Agus thug Meilcizidic rí Sheáléim arán agus fíon amach; ba shagart le Dia ró-ard é.

[19] abençoou ele a Abrão e disse: Bendito seja Abrão pelo Deus Altíssimo, que possui os céus e a terra;

[19]Chuir sé a bheannacht air á rá: “Bíodh beannacht ar Abrám ó Dhia ró-ard, cruthaitheoir neimhe agus talún.

[20] e bendito seja o Deus Altíssimo, que entregou os teus adversários nas tuas mãos. E de tudo lhe deu Abrão o dízimo.

[20]Moladh le Dia ró-ard mar gur chuir sé do naimhde faoi do smacht.” Agus thug Abrám deachú den uile ní dó.

[21] Então, disse o rei de Sodoma a Abrão: Dá-me as pessoas, e os bens ficarão contigo.

[21]Ansin dúirt rí Shodom le hAbrám: “Tabhair domsa na daoine, ach bíodh an mhaoin agat féin.”

[22] Mas Abrão lhe respondeu: Levanto a mão ao SENHOR, o Deus Altíssimo, o que possui os céus e a terra,

[22]Ach dúirt Abrám le rí Shodom: “Dar mo láimh i láthair an Tiarna, Dia ró-ard, cruthaitheoir neimhe agus talún,

[23] e juro que nada tomarei de tudo o que te pertence, nem um fio, nem uma correia de sandália, para que não digas: Eu enriqueci a Abrão;

[23]ní ghlacfaidh mé oiread agus snáithe ná iall bróige, ná ní thógfaidh mé aon phioc de do chuid; ní bheidh sé le rá agat: ‘Rinne mé fear saibhir d'Abrám.’

[24] nada quero para mim, senão o que os rapazes comeram e a parte que toca aos

[24]Ní thógfaidh mé aon ní ach ar ith mo chuid fear agus cion an triúir a ghabh liom

homens Aner, Escol e Manre, que foram comigo; estes que tomem o seu quinhão.

Gênesis 15

Deus anima a Abrão e lhe promete um filho

[1] Depois destes acontecimentos, veio a palavra do SENHOR a Abrão, numa visão, e disse: Não temas, Abrão, eu sou o teu escudo, e teu galardão será sobremodo grande.

[2] Respondeu Abrão: SENHOR Deus, que me haverás de dar, se continuo sem filhos e o herdeiro da minha casa é o damasceno Eliézer?

[3] Disse mais Abrão: A mim não me concedeste descendência, e um servo nascido na minha casa será o meu herdeiro.

[4] A isto respondeu logo o SENHOR, dizendo: Não será esse o teu herdeiro; mas aquele que será gerado de ti será o teu herdeiro.

[5] Então, conduziu-o até fora e disse: Olha para os céus e conta as estrelas, se é que o podes. E lhe disse: Será assim a tua posteridade.

[6] Ele creu no SENHOR, e isso lhe foi imputado para justiça.

[7] Disse-lhe mais: Eu sou o SENHOR que te tirei de Ur dos caldeus, para dar-te por herança esta terra.

[8] Perguntou-lhe Abrão: SENHOR Deus, como saberei que hei de possuí-la?

- Ainéar, Eisciol agus Mamrae; bíodh a gcion féin acusan."

Geineasas 15

Gealltanas agus Conradh

[1]Tamall tar éis na nithe sin tháinig briathar an Tiarna chun Abrám i bhfís á rá: "Ná bíodh eagla ort, a Abrám. Is mé do sciath; beidh luach saothair an-mhór agat."

[2]"A Thiarna Dia liom," arsa Abrám, "cad a thabharfaidh tú dom? Táim fós gan chlann...

[3]Féach," arsa Abrám ansin, "níor thug tú aon sliocht orm i dtreo go mbeidh daor a rugadh i mo theach féin ina oidhre orm."

[4]Agus féach! tháinig briathar an Tiarna chuige gan mhoill: "Ní hé an fear seo a bheidh ina oidhre ort. Beidh mac a ghinfear ó do leasracha féin ina oidhre ort."

[5]Agus thug sé leis amach é agus dúirt: "Féach suas ar an spéir agus comhair na réaltaí más féidir duit iad a áireamh. Mar sin," ar sé ansin, "a bheidh do shíol."

[6]Agus chreid seisean an Tiarna agus mheas an Tiarna é sin mar fhíréantacht aige.

[7]"Mise an Tiarna," ar sé leis, "a thug tú amach as Úr na gCaildéach, chun go dtabharfainn an tír seo duit mar oidhreacht."

[8]"A Thiarna Dia liom," ar sé, "cá bhfios dom go mbeidh sé mar oidhreacht agam?"

[9] Respondeu-lhe: Toma-me uma novilha, uma cabra e um cordeiro, cada qual de três anos, uma rola e um pombinho.

[10] Ele, tomando todos estes animais, partiu-os pelo meio e lhes pôs em ordem as metades, umas defronte das outras; e não partiu as aves.

[11] Aves de rapina desciam sobre os cadáveres, porém Abrão as enxotava.

O SENHOR entra em aliança com Abrão

[12] Ao pôr-do-sol, caiu profundo sono sobre Abrão, e grande pavor e cerradas trevas o acometeram;

[13] então, lhe foi dito: Sabe, com certeza, que a tua posteridade será peregrina em terra alheia, e será reduzida à escravidão, e será afligida por quatrocentos anos.

[14] Mas também eu julgarei a gente a que têm de sujeitar-se; e depois sairão com grandes riquezas.

[15] E tu irás para os teus pais em paz; serás sepultado em ditosa velhice.

[16] Na quarta geração, tornarão para aqui; porque não se encheu ainda a medida da iniqüidade dos amorreus.

[17] E sucedeu que, posto o sol, houve densas trevas; e eis um fogareiro fumegante e uma tocha de fogo que passou entre aqueles pedaços.

[9]“Tabhair dom,” ar sé, “bearach trí bliana, minseach trí bliana, reithe trí bliana, colúr, agus colm óg.”

[10]Thug sé iadsan go léir chuige; ghearr sé ina dhá leath gach ceann acu agus chuir sé leath ar thaobh agus leath ar an taobh eile os a chomhair sall, ach nár ghearr sé na héin.

[11]Nuair a bhíodh éanlaith chreiche ag teacht anuas ar na conablaigh, chuireadh Abrám an ruaig orthu.

[12]Le luí na gréine thit tromchodladh ar Abrám agus bhuail scéin é.

[13]Ansin dúirt an Tiarna le hAbrám: “Bíodh a fhios seo agat go dearfa: beidh do shíol ina ndeoraithe i dtír nach leo, mar a mbeidh siad ina ndaoir agus mar a mbeidh siad faoi leatrom ar feadh ceithre chéad bliain.

[14]Ach déanfaidh mise breithiúnas chomh maith ar an gcine faoina mbeidh siad i ndaoirse, agus tiocfaidh siad amach ina dhiaidh sin le mórán maoine.

[15]Maidir leat féin, imeoidh tú chun d'aithreacha i síocháin; beidh aois mhór agat ag dul faoin gcré duit.

[16]Fillfidh siad ar ais anseo sa cheathrú glúin, mar níl urchóid na nAmórach iomlán fós.”

[17]Tar éis don ghrian dul faoi dá bhrí sin agus gur thit an dorchadas, chonacthas foirnéis dheataigh tine agus lóchrann ar lasadh ag gabháil idir na codanna roinnte úd.

[18] Naquele mesmo dia, fez o SENHOR aliança com Abrão, dizendo: À tua descendência dei esta terra, desde o rio do Egito até ao grande rio Eufrates:

[19] o queneu, o quenezeu, o cadmoneu,

[20] o heteu, o ferezeu, os refains,

[21] o amorreu, o cananeu, o girgaseu e o jebuseu.

[18]Rinne an Tiarna Conradh le hAbrám an lá sin á rá: "Tabharfaidh mé do do shliocht an dúiche seo ó Abhainn na hÉigipte go dtí an Abhainn Mhór, an Eofrataes,

[19]mar a gcónaíonn na Céinigh agus na Cinizigh agus na Cadmónaigh agus na

[20]Hitigh, agus na Pirizigh, agus na Rafáím,

[21]na hAmóraigh agus na Canánaigh, agus na Giorgáisigh agus na Iabúsaigh."

Gênesis 16

Sarai e Agar

[1] Ora, Sarai, mulher de Abrão, não lhe dava filhos; tendo, porém, uma serva egípcia, por nome Agar,

[2] disse Sarai a Abrão: Eis que o SENHOR me tem impedido de dar à luz filhos; toma, pois, a minha serva, e assim me edificarei com filhos por meio dela. E Abrão anuiu ao conselho de Sarai.

[3] Então, Sarai, mulher de Abrão, tomou a Agar, egípcia, sua serva, e deu-a por mulher a Abrão, seu marido, depois de ter ele habitado por dez anos na terra de Canaã.

[4] Ele a possuiu, e ela concebeu. Vendo ela que havia concebido, foi sua senhora por ela desprezada.

[5] Disse Sarai a Abrão: Seja sobre ti a afronta que se me faz a mim. Eu te dei a minha serva para a possuíres; ela, porém, vendo que concebeu, desprezou-me. Julgue o SENHOR entre mim e ti.

Geineasas 16

Breith Ismeáél

[1]Níor rug Sáraí bean Abrám aon chlann, más ea, do Abrám, ach bhí ionailt Éigipteach aici darbh ainm Hágár.

[2]Dúirt Sáraí le hAbrám: "Féach, níor lig Dia dom clann a iompar. Gabh isteach dá bhrí sin chun m'ionailte; b'fhéidir go bhfaighinn clann tríthi." Thug Abrám cluas do ghlór Sháraí.

[3]Tar éis cónaí a bheith ar Abrám deich mbliana i dtír Chanán, rug Sáraí léi Hágár a hionailt Éigipteach agus thug d'Abrám í mar bhean.

[4]Luigh sé le Hágár agus ghabh sí gin, agus a luaithe a bhí a fhios aici go raibh gin á hiompar aici, níor fhan aon mheas aici ar a máistreás.

[5]Ansin dúirt Sáraí le hAbrám: "An éagóir atá á déanamh orm go bhfille sí ort féin! Thugas m'ionailt duit i d'ucht, ach anois ó tá a fhios aici go bhfuil sí ag iompar níl meas dá laghad aici orm. Go raibh an Tiarna ina bhreitheamh idir mé agus tú."

[6] Respondeu Abrão a Sarai: A tua serva está nas tuas mãos, procede segundo melhor te parecer. Sarai humilhou-a, e ela fugiu de sua presença.

[7] Tendo-a achado o Anjo do SENHOR junto a uma fonte de água no deserto, junto à fonte no caminho de Sur,

[8] disse-lhe: Agar, serva de Sarai, donde vens e para onde vais? Ela respondeu: Fujo da presença de Sarai, minha senhora.

[9] Então, lhe disse o Anjo do SENHOR: Volta para a tua senhora e humilha-te sob suas mãos.

[10] Disse-lhe mais o Anjo do SENHOR: Multiplicarei sobremodo a tua descendência, de maneira que, por numerosa, não será contada.

[11] Disse-lhe ainda o Anjo do SENHOR: Concebeste e darás à luz um filho, a quem chamarás Ismael, porque o SENHOR te acudiu na tua aflição.

[12] Ele será, entre os homens, como um jumento selvagem; a sua mão será contra todos, e a mão de todos, contra ele; e habitará fronteiro a todos os seus irmãos.

[13] Então, ela invocou o nome do SENHOR, que lhe falava: Tu és Deus que vê; pois disse ela: Não olhei eu neste lugar para aquele que me vê?

[14] Por isso, aquele poço se chama Beer-Laai-Roi; está entre Cades e Berede.

Nascimento de Ismael

[6]Ach dúirt Abrám le Sáraí: “Féach, tá d'ionailt faoi do smacht féin. Déan do rogha rud léi!” Chrom Sáraí ar í a chiapadh dá bhrí sin agus theith sí uaithi.

[7]Fuair aingeal an Tiarna í cois tobar uisce san fhásach, an tobar ar an mbealach go Siúr.

[8]“A Hágár, a ionailt Sháraí,” ar sé, “cá has ar tháinig tú agus cá bhfuil do thriall?” “Táim ag teitheadh ó mo mháistreás Sáraí,” ar sí.

[9]Dúirt aingeal an Tiarna léi: “Fill ar do mháistreás agus géill di.”

[10]Agus dúirt aingeal an Tiarna léi chomh maith: “Cuirfidh mé an rath ar do shíol i dtreo nach bhféadfar iad a áireamh le barr líonmhaire.”

[11]Agus dúirt aingeal an Tiarna léi: “Féach, tá leanbh ar iompar agat, agus béarfaidh tú mac, agus tabharfaidh tú Ísmeáél mar ainm air, mar gur éist an Tiarna le do ghlór buartha.

[12]Asal fiáin fir a dhéanfaidh sé, a dhorn in aghaidh gach duine agus dorn gach duine ina aghaidh, agus é ag spairn lena bhráithre go léir.”

[13]Thug Hágár ainm ar an Tiarna a labhair léi: “Is tú Dia na Físe,” mar ar sí, “nach áit é seo ina bhfaca-sa go dearfa chomh maith an té a fheiceann mise.”

[14]Uime sin a tugadh Tobar Lachaí Roí (an Bheo a Fheiceann mé) ar an tobar; tá sé idir Cáidéis agus Báiread.

[15] Agar deu à luz um filho a Abrão; e Abrão, a seu filho que lhe dera Agar, chamou-lhe Ismael.
[16] Era Abrão de oitenta e seis anos, quando Agar lhe deu à luz Ismael.

Gênesis 17

Deus muda o nome de Abrão

[1] Quando atingiu Abrão a idade de noventa e nove anos, apareceu-lhe o SENHOR e disse-lhe: Eu sou o Deus Todo-Poderoso; anda na minha presença e sê perfeito.

[2] Farei uma aliança entre mim e ti e te multiplicarei extraordinariamente.

[3] Prostrou-se Abrão, rosto em terra, e Deus lhe falou:
[4] Quanto a mim, será contigo a minha aliança; serás pai de numerosas nações.
[5] Abrão já não será o teu nome, e sim Abraão; porque por pai de numerosas nações te constituí.

[6] Far-te-ei fecundo extraordinariamente, de ti farei nações, e reis procederão de ti.

[7] Estabelecerei a minha aliança entre mim e ti e a tua descendência no decurso das suas gerações, aliança perpétua, para ser o teu Deus e da tua descendência.

[8] Dar-te-ei e à tua descendência a terra das tuas peregrinações, toda a terra de Canaã, em possessão perpétua, e serei o seu Deus.

Institui-se a circuncisão

[15]Rug Hágár mac d'Abrám agus thug Abrám Ísmeáél ar an mac a rug Hágár.

[16]Bhí Abrám sé bliana agus ceithre fichid d'aois nuair a rug Hágár Ísmeáél d'Abrám.

Geineasas 17

An Conradh agus An Timpeallghearradh

[1]Nuair a bhí Abrám nócha naoi mbliana d'aois thaispeáin an Tiarna é féin d'Abrám agus dúirt leis: “Mise Dia na gCumhacht. Iompair thú féin gan locht i mo láthair-sé,

[2]agus déanfaidh mé Conradh idir mé agus tú agus cuirfidh mé rath thar na bearta ort.”

[3]Shléacht Abrám go talamh, agus dúirt Dia leis:
[4]“Is leatsa atá mo Chonradh, agus beidh tú i d'athair ar mhórán ciníocha.
[5]Ní thabharfar Abrám mar ainm ort feasta, ach tabharfar Abrahám ort, óir tá athair ar mhórán ciníocha á dhéanamh agam díot.
[6]Cuirfidh mé rath thar cuimse ort, agus déanfaidh mé ciníocha díot agus tiocfaidh ríthe ar do shíol.
[7]Daingneoidh mé mo Chonradh idir mé agus tú, agus do shliocht i do dhiaidh, glúin ar ghlúin; beidh sé mar Chonradh síoraí mise a bheith i mo Dhia agatsa agus ag do shliocht i do dhiaidh.
[8]Agus tabharfaidh mé duitse agus do do shliocht i do dhiaidh tír do dheoraíochta, tír Chanán go léir, i do sheilbh go brách agus beidh mé féin i mo Dhia acu.”

[9] Disse mais Deus a Abraão: Guardarás a minha aliança, tu e a tua descendência no decurso das suas gerações.

[10] Esta é a minha aliança, que guardareis entre mim e vós e a tua descendência: todo macho entre vós será circuncidado.

[11] Circuncidareis a carne do vosso prepúcio; será isso por sinal de aliança entre mim e vós.

[12] O que tem oito dias será circuncidado entre vós, todo macho nas vossas gerações, tanto o escravo nascido em casa como o comprado a qualquer estrangeiro, que não for da tua estirpe.

[13] Com efeito, será circuncidado o nascido em tua casa e o comprado por teu dinheiro; a minha aliança estará na vossa carne e será aliança perpétua.

[14] O incircunciso, que não for circuncidado na carne do prepúcio, essa vida será eliminada do seu povo; quebrou a minha aliança.

Deus muda o nome de Sarai

[15] Disse também Deus a Abraão: A Sarai, tua mulher, já não lhe chamarás Sarai, porém Sara.

[16] Abençoá-la-ei e dela te darei um filho; sim, eu a abençoarei, e ela se tornará nações; reis de povos procederão dela.

[9]Agus dúirt Dia le hAbrahám: "Ó do thaobhsa de, coimeádfaidh tú mo Chonradh, tú féin agus do shliocht i do dhiaidh ó ghlúin go glúin.

[10]Is é seo an Conradh liomsa a choimeádfaidh tú idir mise agus tusa agus do shliocht i do dhiaidh: Déantar timpeallghearradh ar gach uile leanbh mic de bhur gcuid;

[11]déanaigí feoil bhur bhforchraicinn a thimpeallghearradh agus is é sin a bheidh ina chomhartha don Chonradh atá eadrainn.

[12]Nuair a bheidh siad ocht lá d'aois caithfear timpeallghearradh a dhéanamh ar gach gin mhic ó ghlúin go glúin, cibé acu a bhéarfar i do theach iad nó a cheannófar iad ó choigríoch nach de do shíolsa.

[13]Ní foláir iad a thimpeallghearradh, iad siúd a bhéarfar i do theach, agus iad siúd a cheannófar le d'airgead. Beidh mo Chonradh in bhur bhfeoil mar chonradh síoraí.

[14]An fireannach gan timpeallghearradh, nár gearradh a fhorchraiceann timpeall, gearrfar amach óna phobal é; bhris sé mo Chonradh."

[15]"Maidir le Sáraí do bhean," arsa Dia le hAbrahám, "ní thabharfaidh tú Sáraí uirthi, ach Sárá a bheidh mar ainm uirthi.

[16]Cuirfidh mé mo bheannacht uirthi agus bronnfaidh mé mac ort uaithi; cuirfidh mé mo bheannacht uirthi agus beidh sí ina

máthair ar chiníocha; beidh ríthe ciníocha ag cineadh uaithi.”

[17] Então, se prostrou Abraão, rosto em terra, e se riu, e disse consigo: A um homem de cem anos há de nascer um filho? Dará à luz Sara com seus noventa anos?

[17]Shléacht Abrahám go talamh agus gháir agus dúirt ina chroí: “An mbéarfar mac don té atá céad bliain d'aois? An mbeidh leanbh ag Sárá agus í nócha bliain d'aois?”

[18] Disse Abraão a Deus: Tomara que viva Ismael diante de ti.

[18]“Ó, mhuise,” arsa Abrahám le Dia, “go maire Ísmeáél féin i d'fhianaise.”

[19] Deus lhe respondeu: De fato, Sara, tua mulher, te dará um filho, e lhe chamarás Isaque; estabelecerei com ele a minha aliança, aliança perpétua para a sua descendência.

[19]“Ní hé sin é,” arsa Dia, “ach béarfaidh do bhean Sárá mac agus tabharfaidh tú Íosác mar ainm air. Daingneoidh mé mo Chonradh leis ina Chonradh síoraí . i. mé a bheith i mo Dhia aige féin agus ag a shliocht ina dhiaidh.

[20] Quanto a Ismael, eu te ouvi: abençoá-lo-ei, fá-lo-ei fecundo e o multiplicarei extraordinariamente; gerará doze príncipes, e dele farei uma grande nação.

[20]D'éist mé le do ghuí ar son Ísmeáél chomh maith. Féach, beannóidh mé é agus cuirfidh mé an rath air, agus sliocht líonmhar thar na bearta; beidh sé ina athair ar dháréag flaith agus déanfaidh mé cine mór de.

[21] A minha aliança, porém, estabelecê-la-ei com Isaque, o qual Sara te dará à luz, neste mesmo tempo, daqui a um ano.

[21]Ach Íosác a bhéarfaidh Sárá duit an taca seo an bhliain seo chugainn, is leis a dhaingneoidh mé mo Chonradh.”

[22] E, finda esta fala com Abraão, Deus se retirou dele, elevando-se.

[22]Nuair a bhí deireadh ráite ag Dia le hAbrahám suas leis uaidh.

Pratica-se a circuncisão

[23] Tomou, pois, Abraão a seu filho Ismael, e a todos os escravos nascidos em sua casa, e a todos os comprados por seu dinheiro, todo macho dentre os de sua casa, e lhes circuncidou a carne do prepúcio de cada um, naquele mesmo dia, como Deus lhe ordenara.

[23]Ísmeáél a mhac agus na daoir go léir a rugadh ina theach nó a ceannaíodh le hairgead, gach fireannach is é sin dá theaghlach, thóg Abrahám iad agus rinne timpeallghearradh ar fheoil a bhforchraicinn an lá ceannann céanna mar a dúirt an Dia leis.

[24] Tinha Abraão noventa e nove anos de idade, quando foi circuncidado na carne do seu prepúcio.
[25] Ismael, seu filho, era de treze anos, quando foi circuncidado na carne do seu prepúcio.
[26] Abraão e seu filho, Ismael, foram circuncidados no mesmo dia.
[27] E também foram circuncidados todos os homens de sua casa, tanto os escravos nascidos nela como os comprados por dinheiro ao estrangeiro.

[24]Agus bhí Abrahám nocha naoi mbliana nuair a rinneadh timpeallghearradh ar fheoil a fhorchraicinn.
[25]Bhí Ísmeáél a mhac trí bliana déag d'aois nuair a rinneadh timpeallghearradh ar fheoil a fhorchraicinn.
[26]Rinneadh timpeallghearradh ar Abrahám agus ar a mhac Ísmeáél an lá céanna sin,
[27]agus rinneadh timpeallghearradh fairis ar na fir go léir dá theaghlach, iad siúd a rugadh ina theach agus iad siúd a ceannaíodh ó choigríoch.

Gênesis 18

O SENHOR e dois anjos aparecem a Abraão

[1] Apareceu o SENHOR a Abraão nos carvalhais de Manre, quando ele estava assentado à entrada da tenda, no maior calor do dia.
[2] Levantou ele os olhos, olhou, e eis três homens de pé em frente dele. Vendo-os, correu da porta da tenda ao seu encontro, prostrou-se em terra
[3] e disse: SENHOR meu, se acho mercê em tua presença, rogo-te que não passes do teu servo;
[4] traga-se um pouco de água, lavai os pés e repousai debaixo desta árvore;
[5] trarei um bocado de pão; refazei as vossas forças, visto que chegastes até vosso servo; depois, seguireis avante. Responderam: Faze como disseste.

Geineasas 18

Taispeánann an Tiarna é féin i Mamrae

[1]Thaispeáin an Tiarna é féin dó ag Dair Mhamrae agus é ina shuí i mbéal a bhotha i mbrothall an lae.
[2]D'fhéach sé suas agus b'shiúd triúr fear ina seasamh ina chóngar. Chomh luath agus a chonaic sé iad, rith sé ó bhéal na botha ina gcoinne agus shléacht go talamh rompu.
[3]"A thiarna," ar sé, "más áil leat mé, ná gabh thar do shearbhónta, le do thoil.
[4]Tugtar braon uisce chugaibh agus ionlaigí bhur gcosa agus ligigí bhur scíth faoin gcrann.
[5]Tabharfaidh mé greim aráin chugaibh agus bíodh lón agaibh don bhóthar ar aghaidh. Chuige sin a casadh i dtreo bhur searbhónta sibh." "Déan mar a deir tú," ar siad.

[6] Apressou-se, pois, Abraão para a tenda de Sara e lhe disse: Amassa depressa três medidas de flor de farinha e faze pão assado ao borralho.	[6]Bhrostaigh Abrahám don bhoth go Sárá. “Faigh,” ar sé, “agus fuin trí mhiosúr de phlúr agus déan builíní.”
[7] Abraão, por sua vez, correu ao gado, tomou um novilho, tenro e bom, e deu-o ao criado, que se apressou em prepará-lo.	[7]Agus rith Abrahám chun an tréada agus rug sé leis lao breá méith agus thug don searbhónta é agus d'ullmhaigh seisean é faoi dheifir.
[8] Tomou também coalhada e leite e o novilho que mandara preparar e pôs tudo diante deles; e permaneceu de pé junto a eles debaixo da árvore; e eles comeram.	[8]Thug sé leis ansin gruth agus bainne agus an lao a bhí réidh aige agus leag sé an chóir sin go léir rompu agus fad a bhíodar ag ithe sheas sé láimh leo faoin gcrann.
[9] Então, lhe perguntaram: Sara, tua mulher, onde está? Ele respondeu: Está aí na tenda.	[9]Agus chuireadar ceist air: “Cá bhfuil do bhean Sárá?” “Tá sí sa bhoth,” ar sé.
[10] Disse um deles: Certamente voltarei a ti, daqui a um ano; e Sara, tua mulher, dará à luz um filho. Sara o estava escutando, à porta da tenda, atrás dele.	[10]“Fillfidh mé ort,” arsa an t-aoi, “sea, fillfidh mé um an dtaca seo an bhliain seo chugainn, agus beidh mac ag Sárá do bhean.” Bhí Sárá ag cúléisteacht ag doras na botha taobh thiar de.
[11] Abraão e Sara eram já velhos, avançados em idade; e a Sara já lhe havia cessado o costume das mulheres.	[11]Anois bhí Abrahám agus Sárá aosta agus iad anonn go maith sna blianta, agus bhí scortha dá cúrsaí ag Sárá.
[12] Riu-se, pois, Sara no seu íntimo, dizendo consigo mesma: Depois de velha, e velho também o meu senhor, terei ainda prazer?	[12]Ansin gháir Sárá léi féin á rá: “An amhlaidh a bheidh sólás agam le m'fhear céile anois agus mé thar aois leanbh a iompar, agus eisean aosta chomh maith?”
[13] Disse o SENHOR a Abraão: Por que se riu Sara, dizendo: Será verdade que darei ainda à luz, sendo velha?	[13]Ach d'fhiafraigh an Tiarna d'Abrahám: “Cén fáth ar gháir Sárá á rá: ‘An amhlaidh dáiríre a bheidh leanbh agam anois i mo sheanaois? ’
[14] Acaso, para o SENHOR há coisa demasiadamente difícil? Daqui a um ano, neste mesmo tempo, voltarei a ti, e Sara terá um filho.	[14]An bhfuil aon ní ró-aisteach don Tiarna? Fillfidh mé, oraibh, sea, fillfidh mé um an dtaca seo an bhliain seo chugainn agus beidh mac ag Sárá.”

[15] Então, Sara, receosa, o negou, dizendo: Não me ri. Ele, porém, disse: Não é assim, é certo que riste.

[15]“Níor gháir mé,” arsa Sárá ag séanadh a birt mar go raibh eagla uirthi. “Ní fíor duit,” ar sé, “mar gháir tú.”

Deus anuncia a destruição de Sodoma e Gomorra

Sodom agus Gomorá

[16] Tendo-se levantado dali aqueles homens, olharam para Sodoma; e Abraão ia com eles, para os encaminhar.

[16]Chuir na fir chun bóthair agus tháinig i radharc Shodom agus Abrahám in éineacht leo ag taispeáint na slí dóibh.

[17] Disse o SENHOR: Ocultarei a Abraão o que estou para fazer,

[17]Dúirt an Tiarna leis féin: “An gceilfidh mé ar Abrahám an ní atáim ar tí a dhéanamh,

[18] visto que Abraão certamente virá a ser uma grande e poderosa nação, e nele serão benditas todas as nações da terra?

[18]ós rud é go mbeidh Abrahám ina chine mór cumasach agus ciníocha an domhain á mbeannú féin tríd?

[19] Porque eu o escolhi para que ordene a seus filhos e a sua casa depois dele, a fim de que guardem o caminho do SENHOR e pratiquem a justiça e o juízo; para que o SENHOR faça vir sobre Abraão o que tem falado a seu respeito.

[19][Ní dhéanfaidh mé] óir thogh mé é d'fhonn go dtabharfadh sé aithne dá chlann agus dá theaghlach ina dhiaidh slí an Tiarna a choimeád ag déanamh an chirt agus na córa, i dtreo go dtabharfadh an Tiarna d'Abrahám a bhfuil geallta aige dó.”

[20] Disse mais o SENHOR: Com efeito, o clamor de Sodoma e Gomorra tem-se multiplicado, e o seu pecado se tem agravado muito.

[20]Ansin dúirt an Tiarna: “Nach ard é an liú atá in aghaidh Shodom agus Ghomorá agus nach mór é a bpeaca agus nach trom!

[21] Descerei e verei se, de fato, o que têm praticado corresponde a esse clamor que é vindo até mim; e, se assim não é, sabê-lo-ei.

[21]Rachaidh mé síos féachaint an ndearnadar de réir an liú a tháinig chugam ina n-aghaidh; agus mura ndearnadar, beidh a fhios agam.”

Abraão intercede junto a Deus pelos homens

[22] Então, partiram dali aqueles homens e foram para Sodoma; porém Abraão permaneceu ainda na presença do SENHOR.

[22]D'imigh na fir leo i dtreo Shodom, ach d'fhan Abrahám ina sheasamh i láthair an Tiarna.

[23] E, aproximando-se a ele, disse: Destruirás o justo com o ímpio?

[23]Dhruid sé níos giorra dó agus dúirt: “An scriosfaidh tú dáiríre an fíréan mar aon leis an gciontach?

[24] Se houver, porventura, cinqüenta justos na cidade, destruirás ainda assim e não pouparás o lugar por amor dos cinqüenta justos que nela se encontram?

[24]Abair go bhfuil leathchéad fíréan sa chathair, an scriosfaidh tú í mar sin agus gan í a chaomhnú ar son an leathchéad fíréan atá inti?

[25] Longe de ti o fazeres tal coisa, matares o justo com o ímpio, como se o justo fosse igual ao ímpio; longe de ti. Não fará justiça o Juiz de toda a terra?

[25]Go mba fhada uait a leithéid a dhéanamh, an fíréan a chur chun báis mar aon leis an gciontach; d'fhágfadh sin an íde chéanna á tabhairt ar an bhfíréan agus ar an gciontach! I bhfad uait a leithéid! An amhlaidh nach ndéanfaidh breitheamh an domhain uile an ceart?"

[26] Então, disse o SENHOR: Se eu achar em Sodoma cinqüenta justos dentro da cidade, pouparei a cidade toda por amor deles.

[26]D'fhreagair an Tiarna: "Má fhaighim leathchéad fíréan i Sodom; sa chathair, ansin déanfaidh mé an áit go léir a chaomhnú ar a son."

[27] Disse mais Abraão: Eis que me atrevo a falar ao SENHOR, eu que sou pó e cinza.

[27]"Seo mé," arsa Abrahám á fhreagairt, "agus é de dhánaíocht ionam labhairt mar seo le mo Thiarna, agus gan ionam ach cré agus luaithreach.

[28] Na hipótese de faltarem cinco para cinqüenta justos, destruirás por isso toda a cidade? Ele respondeu: Não a destruirei se eu achar ali quarenta e cinco.

[28]Abair go bhfuil cúigear in easnamh ar an leathchéad, an scriosfaidh tú an chathair go léir de dheasca cúigir?" "Ní dhéanfaidh mé," ar sé, "ní scriosfaidh mé má fhaighim cúigear is daichead inti."

[29] Disse-lhe ainda mais Abraão: E se, porventura, houver ali quarenta? Respondeu: Não o farei por amor dos quarenta.

[29]Agus labhair sé leis arís: "Abair," ar sé, "gur daichead a gheofar inti." "Ní dhéanfaidh mé," ar seisean, "ar son daichead."

[30] Insistiu: Não se ire o SENHOR, falarei ainda: Se houver, porventura, ali trinta? Respondeu o SENHOR: Não o farei se eu encontrar ali trinta.

[30]"Ná bíodh an Tiarna i bhfearg liom," ar sé ansin, "agus labhróidh mé arís. Abair gur tríocha a gheofar inti." D'fhreagair seisean: "Ní dhéanfaidh mé, má fhaighim tríocha ann."

[31] Continuou Abraão: Eis que me atrevi a falar ao SENHOR: Se, porventura, houver

[31]"Tá sé de dhánaíocht ionam," arsa Abrahám ansin, "labhairt leis an Tiarna.

ali vinte? Respondeu o SENHOR: Não a destruirei por amor dos vinte.

[32] Disse ainda Abraão: Não se ire o SENHOR, se lhe falo somente mais esta vez: Se, porventura, houver ali dez? Respondeu o SENHOR: Não a destruirei por amor dos dez.

[33] Tendo cessado de falar a Abraão, retirou-se o SENHOR; e Abraão voltou para o seu lugar.

Gênesis 19

Ló recebe em sua casa os dois anjos

[1] Ao anoitecer, vieram os dois anjos a Sodoma, a cuja entrada estava Ló assentado; este, quando os viu, levantou-se e, indo ao seu encontro, prostrou-se, rosto em terra.

[2] E disse-lhes: Eis agora, meus senhores, vinde para a casa do vosso servo, pernoitai nela e lavai os pés; levantar-vos-eis de madrugada e seguireis o vosso caminho. Responderam eles: Não; passaremos a noite na praça.

[3] Instou-lhes muito, e foram e entraram em casa dele; deu-lhes um banquete, fez assar uns pães asmos, e eles comeram.

[4] Mas, antes que se deitassem, os homens daquela cidade cercaram a casa, os homens de Sodoma, tanto os moços como os velhos, sim, todo o povo de todos os lados;

[5] e chamaram por Ló e lhe disseram: Onde estão os homens que, à noitinha,

Abair gur fiche a gheofar inti.” “Ní scriosfaidh mé í, ar son fichead.”

[32]Ansin dúirt sé: “Ná bíodh an Tiarna i bhfearg liom agus labhróidh mé aon uair amháin eile. Abair gur deichniúr a gheofar ann.” D'fhreagair sé: “Ní scriosfaidh mé í, ar son deichniúir.”

[33]Nuair a bhí deireadh ráite aige le hAbrahám, d'imigh an Tiarna leis, agus d'fhill Abrahám abhaile.

Geineasas 19

Scrios Shodom

[1]Shroich an dá aingeal Sodom an tráthnóna sin, agus bhí Lót ina shuí ag geata Shodom. Nuair a chonaic Lót iad, d'éirigh sé chun bualadh leo agus shléacht go talamh rompu.

[2]“A mhaithe,” ar sé, “iarraim oraibh teacht i leataobh go teach bhur searbhónta, agus an oíche a chaitheamh ann, agus bhur gcosa a ionladh. Ar maidin ansin ní miste daoibh éirí go moch agus cur chun bóthair arís.” “Ní dhéanfaimid,” ar siadsan, “ach an oíche a chaitheamh ar an tsráid.”

[3]Ach d'áitigh sé go dian orthu agus chasadar abhaile leis agus chuadar isteach ina theach. Chóirigh sé béile dóibh, bhácáil arán slim dóibh agus d'itheadar bia.

[4]Ach sula ndeachadar a luí, tháinig timpeall an tí fir na cathrach go léir idir óg agus aosta i Sodom, an pobal go léir gan easnamh fir.

[5]Agus ghlaodar ar Lót á rá: “Cá bhfuil na fir a tháinig chugat anocht? Seol amach

entraram em tua casa? Traze-os fora a nós para que abusemos deles.

6 Saiu-lhes, então, Ló à porta, fechou-a após si

7 e lhes disse: Rogo-vos, meus irmãos, que não façais mal;

8 tenho duas filhas, virgens, eu vo-las trarei; tratai-as como vos parecer, porém nada façais a estes homens, porquanto se acham sob a proteção de meu teto.

9 Eles, porém, disseram: Retira-te daí. E acrescentaram: Só ele é estrangeiro, veio morar entre nós e pretende ser juiz em tudo? A ti, pois, faremos pior do que a eles. E arremessaram-se contra o homem, contra Ló, e se chegaram para arrombar a porta.

10 Porém os homens, estendendo a mão, fizeram entrar Ló e fecharam a porta;

11 e feriram de cegueira aos que estavam fora, desde o menor até ao maior, de modo que se cansaram à procura da porta.

12 Então, disseram os homens a Ló: Tens aqui alguém mais dos teus? Genro, e teus filhos, e tuas filhas, todos quantos tens na cidade, faze-os sair deste lugar;

13 pois vamos destruir este lugar, porque o seu clamor se tem aumentado,

chugainn iad chun go mbainfimis sásamh astu.”

6Chuaigh Lót amach sa doras chucu, agus dhún an doras ina dhiaidh,

7agus dúirt: “A bhráithre, impím oraibh gan aon ní chomh holc sin a dhéanamh.

8Féach, tá beirt iníon agam nár luigh le fear. Ligigí dom iad a thabhairt chugaibh amach agus déanaigí leo mar is mian libh. Ach maidir leis na fir seo, ná déanaigí aon ní leo, óir tháinig siadsan faoi dhíon mo thíse.”

9“Druid siar!” ar siadsan leis agus leanadar orthu á rá: “Níl anseo ach duine iasachta thar tír isteach, agus b'áil leis a bheith ina bhreitheamh! Is measa an íde a thabharfaimid ortsa anois na orthusan!” Agus ansin bhrúdar go dian ar Lót agus dhruid siad i gcóngar an dorais chun é a bhriseadh.

10Ach shín an bheirt a lámha amach agus tharraing siad Lót chucu isteach, agus dhún an doras.

11Agus an mhuintir a bhí ag an doras, bhaineadar radharc na súl díobh go léir idir óg agus aosta i dtreo gur theip orthu an doras a aimsiú.

12Agus dúirt na fir le Lót: “An bhfuil aon duine eile anseo agat? Do chleamhnaithe, do mhic, d'iníonacha, agus do dhaoine muinteartha go léir sa chathair, beir leat ón áit iad.

13Óir táimid ar tí an áit seo a scrios mar is éachtach é an liú atá éirithe in aghaidh a mhuintire agus shroich sé i láthair an

chegando até à presença do SENHOR; e o SENHOR nos enviou a destruí-lo.

[14] Então, saiu Ló e falou a seus genros, aos que estavam para casar com suas filhas e disse: Levantai-vos, saí deste lugar, porque o SENHOR há de destruir a cidade. Acharam, porém, que ele gracejava com eles.

[15] Ao amanhecer, apertaram os anjos com Ló, dizendo: Levanta-te, toma tua mulher e tuas duas filhas, que aqui se encontram, para que não pereças no castigo da cidade.

[16] Como, porém, se demorasse, pegaram-no os homens pela mão, a ele, a sua mulher e as duas filhas, sendo-lhe o SENHOR misericordioso, e o tiraram, e o puseram fora da cidade.

[17] Havendo-os levado fora, disse um deles: Livra-te, salva a tua vida; não olhes para trás, nem pares em toda a campina; foge para o monte, para que não pereças.

[18] Respondeu-lhes Ló: Assim não, SENHOR meu!

[19] Eis que o teu servo achou mercê diante de ti, e engrandeceste a tua misericórdia que me mostraste, salvando-me a vida; não posso escapar no monte, pois receio que o mal me apanhe, e eu morra.

[20] Eis aí uma cidade perto para a qual eu posso fugir, e é pequena. Permite que eu fuja para lá (porventura, não é pequena?), e nela viverá a minha alma.

Tiarna, agus chuir an Tiarna sinn chun é a scrios."

[14]Amach le Lót dá bhrí sin agus dúirt lena chleamhnaithe a bhí chun a iníonacha a phósadh: "Téanam," ar sé, "fágaimis an áit seo mar tá an Tiarna ar tí an chathair seo a scrios." Ach mheas a chleamhnaithe gur ag magadh a bhí sé.

[15]Le breacadh an lae bhí na haingil ag brostú Lót agus á rá: "Éirigh, beir leat do bhean agus do bheirt iníon anseo, nó bascfar thú nuair a imreofar pionós ar an gcathair seo."

[16]Ach bhí sé ag déanamh moille agus rug na fir ar láimh air féin agus ar a bhean agus ar a bheirt iníon mar go raibh trua ag an Tiarna dó. Sheoladar amach é agus d'fhágadar lasmuigh den chathair é.

[17]Á dtreorú amach dóibh dúirt sé: "Rith le d'anam! Ná féach i do dhiaidh agus ná stad in aon áit sa mhachaire. Teith chun na gcnoc le heagla do bhasctha."

[18]"Uch, ná habraigí é sin, a fhlatha," arsa Lót leo.

[19]"Féach, fuair do shearbhónta fabhar i do láthair agus thaispeáin tú trócaire mhór dom nuair a shaor tú on mbás mé. Ach ní fhéadfainn teitheadh chun na gcnoc le heagla go mbéarfadh an anachain orm agus go gcaillfí mé.

[20]Féach anois an chathair sin thall, tá sí cóngarach go leor chun teitheadh chúici agus níl aon toirt inti. Lig dom teitheadh ansiúd - nach beag í? - agus tiocfaidh mé slán le m'anam."

[21] Disse-lhe: Quanto a isso, estou de acordo, para não subverter a cidade de que acabas de falar.

[22] Apressa-te, refugia-te nela; pois nada posso fazer, enquanto não tiveres chegado lá. Por isso, se chamou Zoar o nome da cidade.

A destruição de Sodoma e Gomorra

[23] Saía o sol sobre a terra, quando Ló entrou em Zoar.

[24] Então, fez o SENHOR chover enxofre e fogo, da parte do SENHOR, sobre Sodoma e Gomorra.

[25] E subverteu aquelas cidades, e toda a campina, e todos os moradores das cidades, e o que nascia na terra.

[26] E a mulher de Ló olhou para trás e converteu-se numa estátua de sal.

[27] Tendo-se levantado Abraão de madrugada, foi para o lugar onde estivera na presença do SENHOR;

[28] e olhou para Sodoma e Gomorra e para toda a terra da campina e viu que da terra subia fumaça, como a fumarada de uma fornalha.

[29] Ao tempo que destruía as cidades da campina, lembrou-se Deus de Abraão e tirou a Ló do meio das ruínas, quando subverteu as cidades em que Ló habitara.

A origem dos moabitas e dos amonitas

[30] Subiu Ló de Zoar e habitou no monte, ele e suas duas filhas, porque receavam permanecer em Zoar; e habitou numa caverna, e com ele as duas filhas.

[21]Dúirt sé leis: “Féach, deonaím an fabhar seo duit chomh maith, nach scriosfaidh mé an chathair a luaigh tú.

[22]Brostaigh ort! Teith inti isteach mar nach dtig liom aon ní a dhéanamh go mbainfir amach an chathair sin.” Uime sin a tugadh Zoar (Beag) mar ainm ar an gcathair.

[23]Bhí an ghrian éirithe de dhroim talún nuair a ghabh Lót isteach i Zoar.

[24]Ansin d'fhear an Tiarna ruibh agus tine anuas ar Shodom agus ar Ghomorá ón Tiarna.

[25]Dhíothaigh sé na cathracha sin, agus an gleann go léir, agus lucht na gcathracha go léir, agus a raibh ag fás ar an talamh.

[26]Ach, d'fhéach bean Lót siar agus rinneadh gallán salainn di.

[27]Agus chuaigh Abrahám go moch ar maidin chun na háite inar sheas sé i láthair an Tiarna.

[28]D'fhéach sé uaidh síos i dtreo Shodom agus Gomorá agus an ghleanna mar a rith sé, agus chonaic sé an deatach ag éirí on talamh, mar dheatach ó fhoirnéis.

[29]Sin mar a bhí nuair a scrios Dia cathracha an ghleanna agus gur chuimhnigh sé ar Abrahám agus gur shaor sé Lót ón díothú nuair a dhíothaigh sé na cathracha mar ar chónaigh Lót.

[30]D'imigh Lót amach as Zoar agus chuir sé faoi sna cnoic fara a bheirt iníon mar bhí eagla air fanacht i Zoar. Mhair sé in uaimh é féin agus a bheirt iníon.

[31] Então, a primogênita disse à mais moça: Nosso pai está velho, e não há homem na terra que venha unir-se conosco, segundo o costume de toda terra.
[32] Vem, façamo-lo beber vinho, deitemo-nos com ele e conservemos a descendência de nosso pai.
[33] Naquela noite, pois, deram a beber vinho a seu pai, e, entrando a primogênita, se deitou com ele, sem que ele o notasse, nem quando ela se deitou, nem quando se levantou.
[34] No dia seguinte, disse a primogênita à mais nova: Deitei-me, ontem, à noite, com o meu pai. Demos-lhe a beber vinho também esta noite; entra e deita-te com ele, para que preservemos a descendência de nosso pai.
[35] De novo, pois, deram, aquela noite, a beber vinho a seu pai, e, entrando a mais nova, se deitou com ele, sem que ele o notasse, nem quando ela se deitou, nem quando se levantou.
[36] E assim as duas filhas de Ló conceberam do próprio pai.
[37] A primogênita deu à luz um filho e lhe chamou Moabe: é o pai dos moabitas, até ao dia de hoje.
[38] A mais nova também deu à luz um filho e lhe chamou Ben-Ami: é o pai dos filhos de Amom, até ao dia de hoje.

Gênesis 20

Abraão e Sara peregrinam em Gerar

[31]Agus dúirt an té ba shine leis an té a ba óige: “Tá ár n-athair anonn san aois, agus níl fear sa dúiche chun céileachas a dhéanamh linn mar a dhéantar ar fud an domhain mhóir.
[32]Téanam, cuirimis ar meisce le fíon é agus luímis leis agus beidh sliocht orainn ónár n-athair.”
[33]Chuireadar an t-athair ar meisce le fíon an oíche sin, más ea, agus chuaigh an té ba shine isteach agus luigh sí lena hathair cé nár bhraith sé í ag teacht chun luí leis ná ag imeacht arís.
[34]Lá arna mhárach dúirt an té ba shine leis an té a ba óige: “Féach, luigh mé aréir le d'athair; cuirimis ar meisce le fíon arís anocht é; ansin téighse isteach chuige agus luigh leis. Ar an tslí sin, beidh sliocht orainn ónár n-athair.”
[35]Chuireadar an t-athair ar meisce le fíon arís an oíche sin, más ea, agus d'éirigh an té a ba óige agus isteach léi agus luigh leis cé nár bhraith sé í chuige ná uaidh.
[36]Ghabh beirt iníon Lót clann óna n-athair ar an gcuma sin.
[37]Rug an té ba shine mac ar a dtug sí Móáb; agus eisean sinsear Móábach an lae inniu.
[38]Agus rug an té ab óige mac ar dtug sí Bein Amaí; agus eisean sinsear Beiné Amón an lae inniu.

Geineasas 20

Abrahám i nGearár

[1] Partindo Abraão dali para a terra do Neguebe, habitou entre Cades e Sur e morou em Gerar.

[2] Disse Abraão de Sara, sua mulher: Ela é minha irmã; assim, pois, Abimeleque, rei de Gerar, mandou buscá-la.

[3] Deus, porém, veio a Abimeleque em sonhos de noite e lhe disse: Vais ser punido de morte por causa da mulher que tomaste, porque ela tem marido.

[4] Ora, Abimeleque ainda não a havia possuído; por isso, disse: SENHOR, matarás até uma nação inocente?

[5] Não foi ele mesmo que me disse: É minha irmã? E ela também me disse: Ele é meu irmão. Com sinceridade de coração e na minha inocência, foi que eu fiz isso.

[6] Respondeu-lhe Deus em sonho: Bem sei que com sinceridade de coração fizeste isso; daí o ter impedido eu de pecares contra mim e não te permiti que a tocasses.

[7] Agora, pois, restitui a mulher a seu marido, pois ele é profeta e intercederá por ti, e viverás; se, porém, não lha restituíres, sabe que certamente morrerás, tu e tudo o que é teu.

[8] Levantou-se Abimeleque de madrugada, e chamou todos os seus servos, e lhes contou todas essas coisas; e os homens ficaram muito atemorizados.

[1]D'imigh Abrahám ón ait sin go dúiche an Neigib agus chuir faoi idir Cáidéis agus Siúr agus tamall á chaitheamh aige i nGearár.

[2]Is é a dúirt Abrahám faoina chéile Sárá: “Is í mo dheirfiúr í,” agus chuir Aibímeilic rí Ghearár fios ar Shárá agus ghabh chuige féin í.

[3]Ach tháinig Dia i bhfís oíche chun Aibímeilic: “Tá an bás chugat,” ar sé leis, “de bharr na mná seo a ghabh tú chugat, mar tá fear céile aici.”

[4]Ach ní raibh aon chaidreamh fós ag Aibímeilic uirthi agus dúirt sé: “A Thiarna, an marófá an mhuintir atá gan chionta, chomh maith?

[5]Nach ndúirt sé féin: ‘Is í mo dheirfiúr í’ agus dúirt sí féin: ‘Is é mo dheartháir é.’ Rinne mé é seo le hionracas croí agus le glaine lámh.”

[6]Ansin dúirt Dia leis san fhís: “Is fíor duit. Tá a fhios agam gur le hionracas croí a rinne tú é seo; agus is mise a choinnigh tú ó pheaca a dhéanamh i m'aghaidh. Uime sin níor cheadaigh mé duit baint léi.

[7]Tabhair an bhean ar ais, más ea, dá fear céile anois, óir is fáidh é agus guífidh sé ar do shon agus mairfidh tú. Ach mura dtabharfaidh tú ar ais í, bíodh a fhios agat go bhfaighidh tú féin agus cách is leat bás na mbás.”

[8]D'éirigh Aibímeilic go moch ar maidin agus ghlaoigh chuige ar a shearbhóntaí go léir agus d'inis na nithe sin go léir dóibh; bhuail eagla mhór na fir.

[9] Então, chamou Abimeleque a Abraão e lhe disse: Que é isso que nos fizeste? Em que pequei eu contra ti, para trazeres tamanho pecado sobre mim e sobre o meu reino? Tu me fizeste o que não se deve fazer.

[9]Agus ghlaoigh Aibímeilic chuige ar Abrahám chomh maith agus dúirt leis: "Cad a rinne tú orainn? Cén éagóir a rinneamar ort go dtarraingeofá a leithéid de pheaca mór orm féin agus ar mo ríocht? Rinne tú liom faoi mar nár chóir."

[10] Disse mais Abimeleque a Abraão: Que estavas pensando para fazeres tal coisa?

[10]Ansin d'fhiafraigh Aibímeilic d'Abrahám: "Cad a bhí á thaibhreamh duit go ndearna tú an rud seo?"

[11] Respondeu Abraão: Eu dizia comigo mesmo: Certamente não há temor de Deus neste lugar, e eles me matarão por causa de minha mulher.

[11]"Rinne mé é," arsa Abrahám, "mar gur mheas mé nach mbeadh aon eagla Dé ar aon chor san áit seo agus go maródh na daoine mé de bharr mo mhná.

[12] Por outro lado, ela, de fato, é também minha irmã, filha de meu pai e não de minha mãe; e veio a ser minha mulher.

[12]Agus fairis sin is deirfiúr dom í go deimhin, iníon do m'athair, ach nach iníon do mo mháthair í; agus tugadh dom í mar chéile.

[13] Quando Deus me fez andar errante da casa de meu pai, eu disse a ela: Este favor me farás: em todo lugar em que entrarmos, dirás a meu respeito: Ele é meu irmão.

[13]Nuair a thug Dia orm imeacht liom ó theach m'athar dúirt mé léi: 'Tá gar is féidir duit a dhéanamh dom: cibé áit ina mbeidh ár dtriall, abair i mo thaobhsa: Is é mo dheartháir é.' "

[14] Então, Abimeleque tomou ovelhas e bois, e servos e servas e os deu a Abraão; e lhe restituiu a Sara, sua mulher.

[14]Ansin fuair Aibímeilic caoirigh agus eallach agus daoir fir agus mná agus bhronn iad ar Abrahám agus thug sé Sárá a bhean ar ais dó.

[15] Disse Abimeleque: A minha terra está diante de ti; habita onde melhor te parecer.

[15]Dúirt Aibímeilic: "Sin iad mo chríocha os do chomhair; cuir fút mar ar mian leat."

[16] E a Sara disse: Dei mil siclos de prata a teu irmão; será isto compensação por tudo quanto se deu contigo; e perante todos estás justificada.

[16]Agus dúirt sé le Sárá: "Féach, thug mé míle píosa airgid do do dheartháir. Is éiric duit é i súile a bhfuil in éineacht leat; [sin deireadh an ghnó]."

[17] E, orando Abraão, sarou Deus Abimeleque, sua mulher e suas servas, de sorte que elas pudessem ter filhos;

[18] porque o SENHOR havia tornado estéreis todas as mulheres da casa de Abimeleque, por causa de Sara, mulher de Abraão.

[17]Ansin, ar achainí Abrahám leigheas Dia Aibímeilic agus a bhean agus a dhaoir mná i dtreo gur rugadh clann dóibh.

[18]Óir is amhlaidh a dhún an Tiarna an uile bhroinn i dteach Aibímeilic de bharr Shárá bean Abrahám.

Gênesis 21

O nascimento de Isaque

[1] Visitou o SENHOR a Sara, como lhe dissera, e o SENHOR cumpriu o que lhe havia prometido.

[2] Sara concebeu e deu à luz um filho a Abraão na sua velhice, no tempo determinado, de que Deus lhe falara.

[3] Ao filho que lhe nasceu, que Sara lhe dera à luz, pôs Abraão o nome de Isaque.

[4] Abraão circuncidou a seu filho Isaque, quando este era de oito dias, segundo Deus lhe havia ordenado.

[5] Tinha Abraão cem anos, quando lhe nasceu Isaque, seu filho.

[6] E disse Sara: Deus me deu motivo de riso; e todo aquele que ouvir isso vai rir-se juntamente comigo.

[7] E acrescentou: Quem teria dito a Abraão que Sara amamentaria um filho? Pois na sua velhice lhe dei um filho.

Agar no deserto

[8] Isaque cresceu e foi desmamado. Nesse dia em que o menino foi desmamado, deu Abraão um grande banquete.

[9] Vendo Sara que o filho de Agar, a egípcia, o qual ela dera à luz a Abraão, caçoava de Isaque,

Geineasas 21

Breith Íosác

[1]Thug an Tiarna cuairt ar Shárá mar a dúirt sé, agus rinne sé di mar a gheall sé.

[2]Agus ghabh Sárá gin agus rug sí mac d'Abrahám ina sheanaois ag an am a gheall Dia dó.

[3]Íosác an t-ainm a thug Abrahám ar an mac a rugadh dó, an mac a rug Sárá dó.

[4]Rinne Abrahám timpeallghearradh ar a mhac Íosác nuair a bhí sé ocht lá d'aois faoi mar a d'ordaigh Dia dó.

[5]Bhí Abrahám céad bliain d'aois nuair a rugadh a mhac Íosác dó.

[6]Ansin dúirt Sárá: “Thug Dia cúis gháire dom; gach a gcloisfidh, déanfaidh siad gáire liom.”

[7]Lean sí uirthi: “Cé déarfadh le hAbrahám go dtabharfadh Sárá cíoch do chlann! Ach tá mac tugtha agam dó ina sheanaois.”

Hágár agus Ísmeáél á gCur Chun Siúil

[8]D'fhás an leanbh agus baineadh den chíoch é, agus rinne Abrahám fleá mhór an lá a baineadh Íosác ó dheol.

[9]Bhí Sárá ag faire ar mhac Hágár, an tÉigipteach mná, an mac a rug sí d'Abrahám, ag súgradh [lena mac Íosác].

[10] disse a Abraão: Rejeita essa escrava e seu filho; porque o filho dessa escrava não será herdeiro com Isaque, meu filho.

[11] Pareceu isso mui penoso aos olhos de Abraão, por causa de seu filho.

[12] Disse, porém, Deus a Abraão: Não te pareça isso mal por causa do moço e por causa da tua serva; atende a Sara em tudo o que ela te disser; porque por Isaque será chamada a tua descendência.

[13] Mas também do filho da serva farei uma grande nação, por ser ele teu descendente.

[14] Levantou-se, pois, Abraão de madrugada, tomou pão e um odre de água, pô-los às costas de Agar, deu-lhe o menino e a despediu. Ela saiu, andando errante pelo deserto de Berseba.

[15] Tendo-se acabado a água do odre, colocou ela o menino debaixo de um dos arbustos

[16] e, afastando-se, foi sentar-se defronte, à distância de um tiro de arco; porque dizia: Assim, não verei morrer o menino; e, sentando-se em frente dele, levantou a voz e chorou.

[17] Deus, porém, ouviu a voz do menino; e o Anjo de Deus chamou do céu a Agar e lhe disse: Que tens, Agar? Não temas, porque Deus ouviu a voz do menino, daí onde está.

[10]Dúirt sí le hAbrahám: “Tiomáin chun siúil an daoirseach seo agus a mac, óir ní bheidh mac na daoirsí i bpáirt chun na hoidhreachta le mo mhacsa Íosác.”

[11]Ghoill an chaint sin go mór ar Abrahám de bharr a mhic,

[12]ach dúirt Dia leis: “Ná bíodh ceist an ógánaigh agus na daoirsí ag goilliúint ort; cibé rud a deir Sárá leat a dhéanamh, déan rud uirthi, mar is trí Íosác a mhairfidh d'ainm i do shíol.

[13]Ach déanfaidh mé cine de mhac na daoirsí mar an gcéanna mar gurb é do shíolsa é.”

[14]D'éirigh Abrahám go moch ar maidin dá bhrí sin agus fuair sé arán agus seithe uisce agus thug do Hágár iad; d'ardaigh sé an leanbh ar a gualainn agus chuir chun siúil í. D'imigh sí léi agus bhí ar seachrán ar fud fásaigh Bhéar Seaba.

[15]Nuair nach raibh braon uisce fagtha sa tseithe chuir sí an leanbh uaithi faoi thor.

[16]Ansin d'imigh sí agus shuigh os a choinne sall tamall maith ó bhaile, timpeall raon saighde agus dúirt sí léi féin: “Ní fhéadfainn a bheith ag faire ar an leanbh ag fáil bháis.” Agus shuigh sí os a choinne sall agus bhí an leanbh ag gol go hard agus shil sé na deora.

[17]Chuala Dia olagón an linbh agus ghlaoigh aingeal Dé ar Hágár ó neamh: “Cad tá ort, a Hágár?” a d'fhiafraigh sé; “ná bíodh eagla ort óir tá éiste ag Dia le glór an linbh ón áit ina bhfuil sé.

[18] Ergue-te, levanta o rapaz, segura-o pela mão, porque eu farei dele um grande povo.

[19] Abrindo-lhe Deus os olhos, viu ela um poço de água, e, indo a ele, encheu de água o odre, e deu de beber ao rapaz.

[20] Deus estava com o rapaz, que cresceu, habitou no deserto e se tornou flecheiro;

[21] habitou no deserto de Parã, e sua mãe o casou com uma mulher da terra do Egito.

Abraão faz aliança com Abimeleque

[22] Por esse tempo, Abimeleque e Ficol, comandante do seu exército, disseram a Abraão: Deus é contigo em tudo o que fazes;

[23] agora, pois, jura-me aqui por Deus que me não mentirás, nem a meu filho, nem a meu neto; e sim que usarás comigo e com a terra em que tens habitado daquela mesma bondade com que eu te tratei.

[24] Respondeu Abraão: Juro.

[25] Nada obstante, Abraão repreendeu a Abimeleque por causa de um poço de água que os servos deste lhe haviam tomado à força.

[26] Respondeu-lhe Abimeleque: Não sei quem terá feito isso; também nada me fizeste saber, nem tampouco ouvi falar disso, senão hoje.

[18]Éirigh, tóg an leanbh agus coinnigh greim docht láimhe air, mar déanfaidh mé cine mor de.”

[19]Ansin d'oscail Dia súile Hágár agus chonaic sí tobar uisce, agus d'imigh agus líon an tseithe d'uisce agus thug deoch don leanbh.

[20]Agus bhí Dia leis an leanbh agus d'fhás sé agus chuir faoi san fhásach agus bhí sé oilte ar an tsaighead.

[21]I bhfásach Párán a chuir sé faoi agus fuair a mháthair bean dó ó thír na hÉigipte.

Tobar Bhéar Seaba

[22]Um an dtaca sin tháinig Aibímeilic agus Fíocol, a thaoiseach airm, agus dúirt le hAbrahám: “Bíonn Dia leat i ngach ní a dhéanann tú.

[23]Mionnaigh dar Dia dá bhrí sin anseo domsa nach ndéanfaidh tú calaois ormsa ná ar mo chlann ná ar mo shliocht, ach ó bhios-sa cineálta leatsa go mbeidh tusa chomh cineálta céanna liomsa agus leis an bhfearann ina bhfuil tú le seal.” “Déanfad,” arsa Abrahám, “mionnaim sin duit.”

[24]Agus rinne Abrahám gearán le hAibímeilic i dtaobh tobair a ghabh searbhóntaí Aibímeilic le láimh láidir.

[25]“Ní eol dom,” arsa Aibímeilic, “cé rinne é seo.

[26]Níor luaigh tú féin aon ní liom faoi, ná níor chuala mise focal faoi go dtí inniu.”

[27] Tomou Abraão ovelhas e bois e deu-os a Abimeleque; e fizeram ambos uma aliança.
[28] Pôs Abraão à parte sete cordeiras do rebanho.
[29] Perguntou Abimeleque a Abraão: Que significam as sete cordeiras que puseste à parte?
[30] Respondeu Abraão: Receberás de minhas mãos as sete cordeiras, para que me sirvam de testemunho de que eu cavei este poço.

[31] Por isso, se chamou aquele lugar Berseba, porque ali juraram eles ambos.

[32] Assim, fizeram aliança em Berseba; levantaram-se Abimeleque e Ficol, comandante do seu exército, e voltaram para as terras dos filisteus.
[33] Plantou Abraão tamargueiras em Berseba e invocou ali o nome do SENHOR, Deus Eterno.
[34] E foi Abraão, por muito tempo, morador na terra dos filisteus.

Gênesis 22

Deus prova Abraão

[1] Depois dessas coisas, pôs Deus Abraão à prova e lhe disse: Abraão! Este lhe respondeu: Eis-me aqui!
[2] Acrescentou Deus: Toma teu filho, teu único filho, Isaque, a quem amas, e vai-te à terra de Moriá; oferece-o ali em holocausto, sobre um dos montes, que eu te mostrarei.

[27]Thug Abrahám caoirigh agus eallach leis ansin agus bhronn ar Aibímeilic iad agus rinneadar conradh le chéile.
[28]Chuir Abrahám seacht bhfóisc den tréad i leataobh.
[29]“Cad is ciall leis na seacht bhfóisc seo á gcur i leataobh agat?” a d'fhiafraigh Aibímeilic d'Abrahám.
[30]D'fhreagair seisean: “Ní foláir duit na seacht bhfóisc seo a ghlacadh ó mo láimh mar fhianaise gur mise a thochail an tobar seo.”
[31]Uime sin a tugadh Béar Seaba (Tobar an Mhionna) ar an áit mar gur mhionnaíodar araon ann.
[32]Nuair a bhí an conradh déanta acu i mBéar Seaba dá réir sin, chuir Aibímeilic agus Fíocol, an taoiseach airm, chun siúil agus d'fhilleadar ar thír na bhFilistíneach.
[33]Phlandaigh Abrahám crann tamaraisce i mBéar Seaba agus ghlaoigh ansiúd ar ainm an Tiarna, Dia síoraí.
[34]Agus d'fhan Abrahám tamall fada i dtír na bhFilistíneach.

Geineasas 22

Íosác á Íobairt

[1]Tamall ina dhiaidh sin chuir Dia promhadh ar Abrahám: “A Abrahám, a Abrahám,” ar sé. “Anseo dom,” ar seisean.
[2]“Tóg leat do mhac,” arsa Dia leis, “d'aonmhac Íosác ar a bhfuil do ghreann, agus imigh go tír Mhoiriá, agus déan é a íobairt ansiúd ina íobairt dhóite ar chnoc a thaispeánfaidh mé duit.”

[3] Levantou-se, pois, Abraão de madrugada e, tendo preparado o seu jumento, tomou consigo dois dos seus servos e a Isaque, seu filho; rachou lenha para o holocausto e foi para o lugar que Deus lhe havia indicado.

[4] Ao terceiro dia, erguendo Abraão os olhos, viu o lugar de longe.

[5] Então, disse a seus servos: Esperai aqui, com o jumento; eu e o rapaz iremos até lá e, havendo adorado, voltaremos para junto de vós.

[6] Tomou Abraão a lenha do holocausto e a colocou sobre Isaque, seu filho; ele, porém, levava nas mãos o fogo e o cutelo. Assim, caminhavam ambos juntos.

[7] Quando Isaque disse a Abraão, seu pai: Meu pai! Respondeu Abraão: Eis-me aqui, meu filho! Perguntou-lhe Isaque: Eis o fogo e a lenha, mas onde está o cordeiro para o holocausto?

[8] Respondeu Abraão: Deus proverá para si, meu filho, o cordeiro para o holocausto; e seguiam ambos juntos.

[9] Chegaram ao lugar que Deus lhe havia designado; ali edificou Abraão um altar, sobre ele dispôs a lenha, amarrou Isaque, seu filho, e o deitou no altar, em cima da lenha;

[10] e, estendendo a mão, tomou o cutelo para imolar o filho.

[11] Mas do céu lhe bradou o Anjo do SENHOR: Abraão! Abraão! Ele respondeu: Eis-me aqui!

[3]D'éirigh Abrahám go moch ar maidin, chuir an diallait ar an asal, rug leis beirt dá shearbhóntaí agus a mhac Íosác. Ghearr sé an t-adhmad don íobairt dhóite agus chuir chun bealaigh i dtreo na háite a dúirt Dia leis.

[4]Ar an tríú lá thóg Abrahám a shúile agus chonaic sé an áit i bhfad uaidh.

[5]Ansin dúirt Abrahám lena shearbhóntaí: "Fanaigíse anseo leis an asal; rachaidh mise agus an gasúr ansiúd sall; déanfaimid adhradh agus ansin filleadh oraibh."

[6]Thóg Abrahám adhmad na híobartha dóite, agus chuir ar muin a mhic Íosác é; agus rug leis ina láimh an tine agus an scian agus chuir siad araon chun siúil le chéile.

[7]Dúirt Íosác lena athair Abrahám: "A dhaid," ar sé. "Anseo dom!" arsa Abrahám. "Seo é an tine," ar sé, "agus an t-adhmad, ach cá bhfuil an t-uan d'íobairt dhóite?"

[8]D'fhreagair Abrahám: "Cuirfidh Dia féin an t-uan ar fáil don íobairt dhóite," agus ar aghaidh leo araon le chéile.

[9]Nuair a shroicheadar an áit a thaispeáin Dia dó, thóg Abrahám altóir ann agus chóirigh an t-adhmad uirthi. Chuir sé ceangal faoina mhac agus leag ar an altóir é, anuas ar an adhmad.

[10]Shín Abrahám a lámh amach, agus rug greim ar an scian chun a mhac a mharú.

[11]Ach ghlaoigh aingeal an Tiarna air ó neamh agus dúirt: "A Abrahám, a Abrahám." Dúirt sé: "Anseo dom."

[12] Então, lhe disse: Não estendas a mão sobre o rapaz e nada lhe faças; pois agora sei que temes a Deus, porquanto não me negaste o filho, o teu único filho.

[13] Tendo Abraão erguido os olhos, viu atrás de si um carneiro preso pelos chifres entre os arbustos; tomou Abraão o carneiro e o ofereceu em holocausto, em lugar de seu filho.

[14] E pôs Abraão por nome àquele lugar – O SENHOR Proverá. Daí dizer-se até ao dia de hoje: No monte do SENHOR se proverá.

[15] Então, do céu bradou pela segunda vez o Anjo do SENHOR a Abraão

[16] e disse: Jurei, por mim mesmo, diz o SENHOR, porquanto fizeste isso e não me negaste o teu único filho,

[17] que deveras te abençoarei e certamente multiplicarei a tua descendência como as estrelas dos céus e como a areia na praia do mar; a tua descendência possuirá a cidade dos seus inimigos,

[18] nela serão benditas todas as nações da terra, porquanto obedeceste à minha voz.

[19] Então, voltou Abraão aos seus servos, e, juntos, foram para Berseba, onde fixou residência.

Descendência de Naor

[20] Passadas essas coisas, foi dada notícia a Abraão, nestes termos: Milca também tem dado à luz filhos a Naor, teu irmão:

[12]Dúirt sé: “Ná leag lámh ar do mhac, agus ná déan aon dochar dó; óir tá a fhios agam anois go bhfuil eagla Dé ort, mar níor dhiúltaigh tú do mhac, d'aonmhac, dom.”

[13]Ansin d'ardaigh Abrahám a shúile agus féach, laistiar de bhí reithe agus a adharca in achrann i dtor; thóg Abrahám an reithe agus d'ofráil é mar íobairt dhóite in áit a mhic.

[14]Thug Abrahám “Soláthar ón Tiarna” ar an láthair sin, agus uime sin an seanfhocal atá againn inniu féin: “Déanann an Tiarna soláthar ar an sliabh.”

[15]Agus ghlaoigh aingeal an Tiarna ar Abrahám athuair ó neamh:

[16]“Mhionnaigh mé dar mise féin - focail an Tiarna iad seo - ós rud é go ndearna tú an rud seo agus nár dhiúltaigh tú do mhac, d'aonmhac féin, dom,

[17]dáilfidh mé na frasa beannachtaí uaim anuas ort. Cuirfidh mé an rath ar do shíol ionas go mbeidh siad líonmhar mar réaltaí neimhe nó mar ghaineamh na trá; agus beidh seilbh ag do shliocht ar gheataí [cathrach] do naimhde.

[18]Beannóidh ciníocha uile an domhain iad féin dar do shliocht mar gur ghéill tú do mo ghlór.”

[19]D'fhill Abrahám ansin ar a shearbhóntaí agus d'imíodar le chéile go Béar Seaba, agus chuir Abrahám faoi i mBéar Seaba.

Sliocht Náchór

[20]Tamall ina dhiaidh sin fuair Abrahám scéala gur rug Milceá chomh maith clann dá dhearthair Náchór.

[21] Uz, o primogênito, Buz, seu irmão, Quemuel, pai de Arã,

[22] Quésede, Hazo, Pildas, Jidlafe e Betuel.

[23] Betuel gerou a Rebeca; estes oito deu à luz Milca a Naor, irmão de Abraão.

[24] Sua concubina, cujo nome era Reumá, lhe deu também à luz filhos: Teba, Gaã, Taás e Maaca.

[21]Úz a chéadghin, Búz a dhearthair, agus Camúél athair Arám, agus

[22]Ceisid agus Chazó agus Pioldáis agus Idleáf agus Batúél -

[23]ba é Batúél athair Ribeacá. Sin iad an t-ochtar clainne a rug Milceá do Náchór, dearthair Abrahám.

[24]Bhí leannán leapa aige leis darbh ainm Reúmá, agus rug sí clann: Teabach agus Gacham agus Tachais agus Mácá.

Gênesis 23

A morte de Sara

[1] Tendo Sara vivido cento e vinte e sete anos,

[2] morreu em Quiriate-Arba, que é Hebrom, na terra de Canaã; veio Abraão lamentar Sara e chorar por ela.

[3] Levantou-se, depois, Abraão da presença de sua morta e falou aos filhos de Hete:

[4] Sou estrangeiro e morador entre vós; dai-me a posse de sepultura convosco, para que eu sepulte a minha morta.

[5] Responderam os filhos de Hete a Abraão, dizendo:

[6] Ouve-nos, senhor: tu és príncipe de Deus entre nós; sepulta numa das nossas melhores sepulturas a tua morta; nenhum de nós te vedará a sua sepultura, para sepultares a tua morta.

Geineasas 23

Tuama na bPatrarc

[1]Mhair Sárá céad agus a fiche seacht mbliana; ba é sin an líon blianta saoil a fuair Sárá:

[2]agus d'éag Sárá i gCiriát Arba, nó Heabrón, i dtír Chanán, agus chuaigh Abrahám isteach ag caí Sárá agus á caoineadh.

[3]Ansin d'éirigh Abrahám ó láthair a phúire agus dúirt sé le clann Héat:

[4]“Is coimhthíoch agus deoraí mé in bhur measc: tugaigí seilbh dom ar ionad adhlactha in bhur measc, go ndéanfaidh mé mo mharbh a adhlacadh ó amharc mo shúl.”

[5]D'fhreagair clann Héat Abrahám:

[6]“Éist linn, a thiarna,” ar siad leis. “Is tú taoiseach Dé inár measc. Cuir do mharbh i dtogha ár dtuamaí; ní dhiúltóidh aon duine againn a thuama duit ná ní choiscfidh ort do mharbh a adhlacadh.”

[7] Então, se levantou Abraão e se inclinou diante do povo da terra, diante dos filhos de Hete.

[8] E lhes falou, dizendo: Se é do vosso agrado que eu sepulte a minha morta, ouvi-me e intercedei por mim junto a Efrom, filho de Zoar,

[9] para que ele me dê a caverna de Macpela, que tem no extremo do seu campo; que ma dê pelo devido preço em posse de sepultura entre vós.

[10] Ora, Efrom, o heteu, sentando-se no meio dos filhos de Hete, respondeu a Abraão, ouvindo-o os filhos de Hete, a saber, todos os que entravam pela porta da sua cidade:

[11] De modo nenhum, meu senhor; ouve-me: dou-te o campo e também a caverna que nele está; na presença dos filhos do meu povo te dou; sepulta a tua morta.

[12] Então, se inclinou Abraão diante do povo da terra;

[13] e falou a Efrom, na presença do povo da terra, dizendo: Mas, se concordas, ouve-me, peço-te: darei o preço do campo, toma-o de mim, e sepultarei ali a minha morta.

[14] Respondeu-lhe Efrom:

[15] Meu senhor, ouve-me: um terreno que vale quatrocentos siclos de prata, que é isso entre mim e ti? Sepulta ali a tua morta.

[7]D'éirigh Abrahám ina sheasamh ansin agus shléacht sé go talamh do mhuintir na tíre, do chlann Héat,

[8]agus labhair sé leo: “Más toil libh,” ar sé leo, “go ndéanfainn mo mharbh a adhlacadh ó amharc mo shúl, éistigí liom agus déanaigí idirghuí ar mo shon le hEafrón mac Zochar,

[9]d'fhonn go dtabharfadh sé dom an uaimh atá aige i Macpaelá: tá sé ar imeall a fhearainn. Tugadh sé dom í in bhur bhfianaise ar an iomlán is fiú í, chun í a bheith agam mar ionad adhlactha.”

[10]Tharla Eafrón a bheith ina shuí i measc chlann Héat agus thug Eafrón an Hiteach freagra ar Abrahám i gcomhchlos chlann Héat agus na ndaoine go léir a ghabh geata a chathrach isteach.

[11]“Cuir uait, a thiarna,” ar sé, “agus éist liom. Bronnaim an fearann ort agus an uaimh atá ann; tugaim in aisce duit é i bhfianaise chlann mo mhuintire. Déan do mharbh a adhlacadh.”

[12]Ansin shléacht Abrahám i láthair mhuintir na tíre.

[13]Dúirt sé le hEafrón i gcomhchlos mhuintir na tíre: “Más mar sin [is mian leat]. Ach éist liom. Tabharfaidh mé a luach duit ar an bhfearann seo; tóg uaim é agus cuirfidh mé mo mharbh ann.”

[14]Thug Eafrón freagra ar Abrahám:

[15]“A thiarna,” ar sé, “éist liom. Paiste talún is fiú ceithre chéad seicil airgid, cad é sin idir mise agus tusa? Déan do mharbh a adhlacadh.”

[16] Tendo Abraão ouvido isso a Efrom, pesou-lhe a prata, de que este lhe falara diante dos filhos de Hete, quatrocentos siclos de prata, moeda corrente entre os mercadores.

[16]Rinne Abrahám an margadh ar bhreith béil Eafrón, agus thomhais Abrahám d'Eafrón an tsuim airgid a luaigh sé i gcomhchlos chlann Héat, ceithre chéad seicil airgid is é sin, de réir an tomhais a chleacht na ceannaithe.

[17] Assim, o campo de Efrom, que estava em Macpela, fronteiro a Manre, o campo, a caverna e todo o arvoredo que nele havia, e todo o limite ao redor

[17]An fearann úd Eafrón i Macpaelá, lastoir de Mhamrae, an fearann agus an uaimh ann, agus na crainn go léir san fhearann, an dúiche go léir ó cheann ceann, cuireadh i seilbh dhílis

[18] se confirmaram por posse a Abraão, na presença dos filhos de Hete, de todos os que entravam pela porta da sua cidade.

[18]Abrahám é, i bhfianaise chlann Héat agus os comhair na ndaoine go léir a ghabh trí gheata a chathrach isteach.

[19] Depois, sepultou Abraão a Sara, sua mulher, na caverna do campo de Macpela, fronteiro a Manre, que é Hebrom, na terra de Canaã.

[19]Ansin rinne Abrahám Sárá, a bhean, a adhlacadh san uaimh i bhfearann Macpaelá lastoir de Mhamrae (Heabrón is é sin) i dtír Chanán.

[20] E assim, pelos filhos de Hete, se confirmou a Abraão o direito do campo e da caverna que nele estava, em posse de sepultura.

[20]Chuir clann Héat an fearann agus an uaimh a bhí ann i seilbh dhílis Abrahám le bheith aige mar ionad adhlactha.

Gênesis 24

Abraão manda seu servo buscar uma mulher para Isaque

[1] Era Abraão já idoso, bem avançado em anos; e o SENHOR em tudo o havia abençoado.

[2] Disse Abraão ao seu mais antigo servo da casa, que governava tudo o que possuía: Põe a mão por baixo da minha coxa,

[3] para que eu te faça jurar pelo SENHOR, Deus do céu e da terra, que não tomarás

Geineasas 24

Pósadh Íosác

[1]Bhí Abrahám ina sheanduine, anonn go maith sna blianta, agus bhí beannacht an Tiarna air ina chúrsaí go léir.

[2]Dúirt Abrahám leis an sinsear ar shearbhóntaí a theaghlaigh, an té a bhí i bhfeighil a raibh de mhaoin aige: “Cuir do lámh faoi mo cheathrú

[3]agus cuirfidh mé faoi bhrí na mionn thú, dar an Tiarna, Dia neimhe agus talún, gan

esposa para meu filho das filhas dos cananeus, entre os quais habito;

4 mas irás à minha parentela e daí tomarás esposa para Isaque, meu filho.

5 Disse-lhe o servo: Talvez não queira a mulher seguir-me para esta terra; nesse caso, levarei teu filho à terra donde saíste?

6 Respondeu-lhe Abraão: Cautela! Não faças voltar para lá meu filho.

7 O SENHOR, Deus do céu, que me tirou da casa de meu pai e de minha terra natal, e que me falou, e jurou, dizendo: À tua descendência darei esta terra, ele enviará o seu anjo, que te há de preceder, e tomarás de lá esposa para meu filho.

8 Caso a mulher não queira seguir-te, ficarás desobrigado do teu juramento; entretanto, não levarás para lá meu filho.

9 Com isso, pôs o servo a mão por baixo da coxa de Abraão, seu senhor, e jurou fazer segundo o resolvido.

10 Tomou o servo dez dos camelos do seu senhor e, levando consigo de todos os bens dele, levantou-se e partiu, rumo da Mesopotâmia, para a cidade de Naor.

11 Fora da cidade, fez ajoelhar os camelos junto a um poço de água, à tarde, hora em que as moças saem a tirar água.

bean a fháil do mo mhac ó iníonacha na gCanánach a bhfuil cónaí orm ina measc

4ach, ina ionad sin, dul ag triall ar mo thír dhúchais agus ar mo mhuintir féin chun bean a fháil do mo mhac Íosác.”

5D'fhreagair an searbhónta é: “B'fhéidir nárbh áil leis an mbean teacht liom chun na dúiche seo; ansin cad a dhéanfainn? An gcaithfinn ansin do mhac a bhreith ar ais chun na tíre as ar tháinig tú?”

6“Ná beir mo mhac ansiúd ar ais ar aon chúinse, féach!” arsa Abrahám.

7“An Tiarna, Dia neimhe [agus talún], thug sé mise amach ó theach m'athar agus ó thír mo chine, agus mhionnaigh dom á rá: ‘Do do shíolsa a thabharfaidh mé an tír seo’; seolfaidh seisean a aingeal romhat amach agus gheobhaidh tú bean do mo mhac sa tír sin.

8Muran toil leis an mbean tú a leanúint, beidh tú saor ón mionn seo liomsa; ach ná beir mo mhac leat ar ais ansiúd.”

9Chuir an searbhónta a lámh faoi cheathrú Abrahám, a thiarna, dá bhrí sin agus thug sé mionn dó go ndéanfadh sé an méid sin.

10Rug an searbhónta deich gcinn de chamaill a mháistir leis agus a rogha de gach sórt de thogha maoine a mháistir agus chuir sé chun bóthair i dtreo Arám na nAibhneacha, go cathair Náchór.

11Um tráthnóna, faoin am go dtagann na mná amach ag triall ar uisce, chuir sé na camaill ina luí ar a nglúine ag an tobar fíoruisce lasmuigh den chathair.

[12] E disse consigo: Ó SENHOR, Deus de meu senhor Abraão, rogo-te que me acudas hoje e uses de bondade para com o meu senhor Abraão!

[13] Eis que estou ao pé da fonte de água, e as filhas dos homens desta cidade saem para tirar água;

[14] dá-me, pois, que a moça a quem eu disser: inclina o cântaro para que eu beba; e ela me responder: Bebe, e darei ainda de beber aos teus camelos, seja a que designaste para o teu servo Isaque; e nisso verei que usaste de bondade para com o meu senhor.

O encontro de Rebeca

[15] Considerava ele ainda, quando saiu Rebeca, filha de Betuel, filho de Milca, mulher de Naor, irmão de Abraão, trazendo um cântaro ao ombro.

[16] A moça era mui formosa de aparência, virgem, a quem nenhum homem havia possuído; ela desceu à fonte, encheu o seu cântaro e subiu.

[17] Então, o servo saiu-lhe ao encontro e disse: Dá-me de beber um pouco da água do teu cântaro.

[18] Ela respondeu: Bebe, meu senhor. E, prontamente, baixando o cântaro para a mão, lhe deu de beber.

[19] Acabando ela de dar a beber, disse: Tirarei água também para os teus camelos, até que todos bebam.

[12]Agus dúirt sé: “A Thiarna, a Dhia mo mháistir Abrahám, bí faram inniu, iarraim ort, agus bí cineálta le mo mháistir Abrahám.

[13]Seo i mo sheasamh anseo mé láimh leis an tobar fíoruisce agus iníonacha mhuintir na cathrach ag teacht amach ag triall ar uisce.

[14]An cailín a ndéarfaidh mé léi dá bhrí sin: ‘Leag do chrúsca ar an talamh agus lig dom deoch a ól, ’ agus a fhreagróidh: ‘Bíodh deoch agat, agus tabharfaidh mé deoch do do chamaill chomh maith, ’ go mba ise, guím thú, an bhean atá roghnaithe agat do do shearbhónta Íosác. Uaidh seo beidh a fhios agam go bhfuil tú cineálta le mo mháistir Abrahám.”

[15]Is ar éigean a bhí na focail sin ráite aige nuair a tháinig Ribeacá amach agus crúsca ar a gualainn aici. Ba í iníon Bhatúél mac Mhilceá bean dheartháir Abrahám, Náchór.

[16]Ógbhean le barr sceimhe a ba ea í agus maighdean nach raibh cuid ag fear di. Chuaigh sí síos chun an tobair, líon a crúsca agus tháinig aníos.

[17]Rith an searbhónta ina treo ansin agus dúirt: “Tabhair dom deoch bheag uisce as do chrúsca le do thoil.”

[18]“Bíodh deoch agat, a thiarna,” ar sí á fhreagairt agus lig sí an crúsca anuas ar a géag gan mhoill agus thug deoch dó.

[19]Tar éis di an deoch a thabhairt do, dúirt sí: “Tarraingeoidh mé uisce do do chamaill chomh maith go n-óla siad a sáith.”

[20] E, apressando-se em despejar o cântaro no bebedouro, correu outra vez ao poço para tirar mais água; tirou-a e deu-a a todos os camelos.

[21] O homem a observava, em silêncio, atentamente, para saber se teria o SENHOR levado a bom termo a sua jornada ou não.

[22] Tendo os camelos acabado de beber, tomou o homem um pendente de ouro de meio siclo de peso e duas pulseiras para as mãos dela, do peso de dez siclos de ouro;

[23] e lhe perguntou: De quem és filha? Peço-te que me digas. Haverá em casa de teu pai lugar em que eu fique, e a comitiva?

[24] Ela respondeu: Sou filha de Betuel, filho de Milca, o qual ela deu à luz a Naor.

[25] E acrescentou: Temos palha, e muito pasto, e lugar para passar a noite.

[26] Então, se inclinou o homem e adorou ao SENHOR.

[27] E disse: Bendito seja o SENHOR, Deus de meu senhor Abraão, que não retirou a sua benignidade e a sua verdade de meu senhor; quanto a mim, estando no caminho, o SENHOR me guiou à casa dos parentes de meu senhor.

[28] E a moça correu e contou aos da casa de sua mãe todas essas coisas.

[29] Ora, Rebeca tinha um irmão, chamado Labão; este correu ao encontro do homem junto à fonte.

[20]Scaoil sí a raibh d'uisce ina crúsca isteach san umar ansin go deifreach agus rith léi go dtí an tobar arís ag triall ar uisce, agus tharraing sí dóthain a chamall go léir.

[21]Bhí sé siúd gan focal as ag faire uirthi, féachaint an raibh bail ón Tiarna ar a aistear nó nach raibh.

[22]Nuair a bhí deireadh olta ag na camaill, rug an fear ar fháinne óir a mheáigh leathsheicil [agus chuir ar a srón é]; agus chuir dhá bhráisléad a mheáigh deich seicil óir ar a lámha.

[23]“Cé hé do athair?” ar sé. “Abair, le do thoil! Agus an bhfuil slí i dteach d'athar dúinn chun an oíche a chaitheamh ann?”

[24]D'fhreagair sí é: “Mise iníon Bhatúél, mac a rug Milceá do Náchór,” ar sí,

[25]agus lean sí uirthi: “Tá raidhse tuí agus foráiste againn agus áit lóistín.”

[26]Shléacht an fear ansin agus d'adhair sé an Tiarna

[27]á rá: “Moladh leis an Tiarna, Dia do mháistir Abrahám! óir níor stad sé ach ag déanamh cineáltais agus maitheasa do mo mháistir. Sheol an Tiarna mé caol díreach go teach ghaolta mo mháistir!”

[28]Rith an ógbhean léi ansin agus d'inis gach ar tharla do theaghlach a máthar.

[29]Bhí deartháir ag Ribeacá arbh ainm dó Lábán, agus bhrostaigh seisean amach chun an tobair mar a raibh an fear.

[30] Pois, quando viu o pendente e as pulseiras nas mãos de sua irmã, tendo ouvido as palavras de Rebeca, sua irmã, que dizia: Assim me falou o homem, foi Labão ter com ele, o qual estava em pé junto aos camelos, junto à fonte.

[30]A luaithe a chonaic sé an fáinne agus na bráisléid a bhí á gcaitheamh ag a dheirfiúr, agus gur chuala sé a ndúirt Ribeacá a dheirfiúr: "A leithéid seo ar sé liom," chuaigh sé go dtí an fear; agus, féach! bhí seisean ina sheasamh lena chamaill ag an tobar.

[31] E lhe disse: Entra, bendito do SENHOR, por que estás aí fora? Pois já preparei a casa e o lugar para os camelos.

[31]"Tar isteach," ar sé, "tusa a bheannaigh an Tiarna; cad a ba áil leat i do sheasamh anseo amuigh? óir tá an teach i gcóir duit agus áit do do chamaill."

[32] Então, fez entrar o homem; descarregaram-lhe os camelos e lhes deram forragem e pasto; deu-se-lhe água para lavar os pés e também aos homens que estavam com ele.

[32]Chuaigh an fear isteach; scoir Lábán na camaill agus thug dó tuí agus foráiste do na camaill agus uisce chun a chosa agus cosa a chompánach a ionladh.

[33] Diante dele puseram comida; porém ele disse: Não comerei enquanto não expuser o propósito a que venho. Labão respondeu-lhe: Dize.

[33]Leagadar bia os a chomhair, ach dúirt sé: "Ní bhlaisfidh mé greim nó go mbeidh mo theachtaireacht inste agam." "Abair leat," arsa [Lábán].

[34] Então, disse: Sou servo de Abraão.

[34]"Searbhónta Abrahám mise," ar sé.

[35] O SENHOR tem abençoado muito ao meu senhor, e ele se tornou grande; deu-lhe ovelhas e bois, e prata e ouro, e servos e servas, e camelos e jumentos.

[35]"Is éachtach mar a bheannaigh an Tiarna mo mháistir; is an-saibhir an fear anois é. Thug sé dó táinte agus tréada, airgead agus ór, daoir agus daoirseacha, camaill agus asail.

[36] Sara, mulher do meu senhor, era já idosa quando lhe deu à luz um filho; a este deu ele tudo quanto tem.

[36]Sárá, bean mo mháistir, rug sí mac dó ina seanaois; thug sé a bhfuil aige dósan.

[37] E meu senhor me fez jurar, dizendo: Não tomarás esposa para meu filho das mulheres dos cananeus, em cuja terra habito;

[37]Chuir mo mháistir mise faoi bhrí na mionn á rá: 'Ní bhfaighidh tú bean do mo mhac ó iníonacha na gCanánach, a bhfuil cónaí orm ina measc.

[38] porém irás à casa de meu pai e à minha família e tomarás esposa para meu filho.

[38]Ach ina ionad sin, rachaidh tú go teach m'athar agus go dtí mo mhuintir féin agus bean a fháil do mo mhac.'

[39] Respondi ao meu senhor: Talvez não queira a mulher seguir-me.

[39]Dúirt mé le mo mháistir: 'B'fhéidir nárbh áil leis an mbean teacht liom.'

[40] Ele me disse: O SENHOR, em cuja presença eu ando, enviará contigo o seu Anjo e levará a bom termo a tua jornada, para que, da minha família e da casa de meu pai, tomes esposa para meu filho.

[40]Ach d'fhreagair sé: 'An Tiarna, a siúlaim ina fhianaise, seolfaidh sé a aingeal farat d'fhonn go n-éireodh do bhóthar leat agus gheobhaidh tú bean do mo mhac ó mo mhuintir agus ó theach m'athar.

[41] Então, serás desobrigado do meu juramento, quando fores à minha família; se não ta derem, desobrigado estarás do meu juramento.

[41]Mar seo a bheidh tú saor ó dheasca mo mhionna: rachaidh tú go dtí mo mhuintir; agus má dhiúltaíonn siad duit í, beidh tú saor ó dheasca mo mhionna.' "

[42] Hoje, pois, cheguei à fonte e disse comigo: ó SENHOR, Deus de meu senhor Abraão, se me levas a bom termo a jornada em que sigo,

[42]"Tháinig mé inniu dá réir sin go dtí an tobar agus dúirt mé: 'A Thiarna, a Dhia mo mháistir Abrahám, taispeáin dom an bhfuil do bhail á cur agat ar an ród ar a dtriallaim.

[43] eis-me agora junto à fonte de água; a moça que sair para tirar água, a quem eu disser: dá-me um pouco de água do teu cântaro,

[43]Seo mé i mo sheasamh ag an tobar fíoruisce: an ógbhean dá bhrí sin a thiocfaidh amach ag triall ar uisce agus a ndéarfaidh mé léi: Tabhair dom deoch bheag uisce as do chrúsca, le do thoil, agus a déarfaidh:

[44] e ela me responder: Bebe, e também tirarei água para os teus camelos, seja essa a mulher que o SENHOR designou para o filho de meu senhor.

[44]Bíodh deoch agat, agus tarraingeoidh mé uisce do do chamaill chomh maith - gurab í sin an bhean a roghnaigh an Tiarna do mhac mo mháistir.'

[45] Considerava ainda eu assim, no meu íntimo, quando saiu Rebeca trazendo o seu cântaro ao ombro, desceu à fonte e tirou água. E eu lhe disse: peço-te que me dês de beber.

[45]Sula raibh deireadh ráite agam liom féin, ba sheo amach Ribeacá agus a crúsca ar a gualainn; síos léi chun an tobair agus tharraing.'Tabhair dom deoch le do thoil, ' arsa mise léi.

[46] Ela se apressou e, baixando o cântaro do ombro, disse: Bebe, e também darei de beber aos teus camelos. Bebi, e ela deu de beber aos camelos.

[47] Daí lhe perguntei: de quem és filha? Ela respondeu: Filha de Betuel, filho de Naor e Milca. Então, lhe pus o pendente no nariz e as pulseiras nas mãos.

[48] E, prostrando-me, adorei ao SENHOR e bendisse ao SENHOR, Deus do meu senhor Abraão, que me havia conduzido por um caminho direito, a fim de tomar para o filho do meu senhor uma filha do seu parente.

[49] Agora, pois, se haveis de usar de benevolência e de verdade para com o meu senhor, fazei-mo saber; se não, declarai-mo, para que eu vá, ou para a direita ou para a esquerda.

[50] Então, responderam Labão e Betuel: Isto procede do SENHOR, nada temos a dizer fora da sua verdade.

[51] Eis Rebeca na tua presença; toma-a e vai-te; seja ela a mulher do filho do teu senhor, segundo a palavra do SENHOR.

O casamento de Isaque e Rebeca

[52] Tendo ouvido o servo de Abraão tais palavras, prostrou-se em terra diante do SENHOR;

[53] e tirou jóias de ouro e de prata e vestidos e os deu a Rebeca; também deu ricos presentes a seu irmão e a sua mãe.

[54] Depois, comeram, e beberam, ele e os homens que estavam com ele, e passaram

[46]Lig sí a crúsca dá gualainn gan mhoill agus dúirt: ‘Bíodh deoch agat, agus tabharfaidh mé deoch do do chamaill chomh maith.’ D'ól mé deoch dá bhrí sin agus thug sí deoch do na camaill leis.

[47]Chuir mé ceist uirthi: ‘Cé hé d'athair? ’ ‘Mise iníon Bhatúél, mac a rug Milceá do Náchór, ’ ar sí. Chuir mé an fáinne dá bhrí sin ar a srón agus na bráisléid ar a lámha.

[48]Ansin shléacht mé agus d'adhair mé an Tiarna, agus mhol mé an Tiarna, Dia mo mháistir Abrahám, a threoraigh mé le barr cineáltais chun iníon bhráthair mo mháistir a thoghadh dá mhac.

[49]Anois mar sin, más mian libh a bheith dílis ionraic le mo mháistir, insigí dom é; agus mura bhfuil sibh, abraigí - ionas go gcasfainn deiseal nó tuathal.”

[50]D'fhreagair Lábán agus Batúél: “Ón Tiarna é seo! ní féidir linne sea ná ní hea a rá leat.

[51]Sin í Ribeacá os do chomhair. Tóg leat í agus imigh agus bíodh sí mar bhean ag mac do mháistir, faoi mar a dúirt an Tiarna.”

[52]Arna chlos sin do shearbhónta Abrahám, shléacht sé go talamh agus d'adhair sé an Tiarna.

[53]Thóg sé amach seoda óir agus airgid agus éadaí agus thug do Ribeacá iad; thug sé ornáidí luachmhara dá deartháir agus dá máthair chomh maith.

[54]Bhí bia agus deoch aige féin agus ag a chomhluadar agus chaitheadar an oíche

a noite. De madrugada, quando se levantaram, disse o servo: Permiti que eu volte ao meu senhor.

[55] Mas o irmão e a mãe da moça disseram: Fique ela ainda conosco alguns dias, pelo menos dez; e depois irá.

[56] Ele, porém, lhes disse: Não me detenhais, pois o SENHOR me tem levado a bom termo na jornada; permiti que eu volte ao meu senhor.

[57] Disseram: Chamemos a moça e ouçamo-la pessoalmente.

[58] Chamaram, pois, a Rebeca e lhe perguntaram: Queres ir com este homem? Ela respondeu: Irei.

[59] Então, despediram a Rebeca, sua irmã, e a sua ama, e ao servo de Abraão, e a seus homens.

[60] Abençoaram a Rebeca e lhe disseram: És nossa irmã; sê tu a mãe de milhares de milhares, e que a tua descendência possua a porta dos seus inimigos.

[61] Então, se levantou Rebeca com suas moças e, montando os camelos, seguiram o homem. O servo tomou a Rebeca e partiu.

[62] Ora, Isaque vinha de caminho de Beer-Laai-Roi, porque habitava na terra do Neguebe.

[63] Saíra Isaque a meditar no campo, ao cair da tarde; erguendo os olhos, viu, e eis que vinham camelos.

ansiúd. Ar n-éirí dóibh ar maidin dúirt sé: “Scaoiligí ar ais chun mo mháistir mé.”

[55]Dúirt an deartháir agus an mháthair: “Fanadh an ógbhean farainn tamall, deich lá ar a laghad; ní miste di imeacht ansin.”

[56]“Ná cuirigí moill orm,” ar sé leo, “mar is é an Tiarna a chuir bail ar m'aistear. Scaoiligí liom ag triall ar mo mháistir.”

[57]“Glaofaimid ar an ógbhean,” ar siad, “agus cuirfimid ceist uirthi.”

[58]Agus ghlaodar ar Ribeacá agus chuireadar ceist uirthi: “An rachaidh tú leis an bhfear seo?” “Déanfaidh mé,” ar sí.

[59]Scaoileadar chun siúil dá bhrí sin Ribeacá a ndeirfiúr agus a buime, agus searbhónta Abrahám agus a chuid fear.

[60]Chuireadar beannacht ar Ribeacá agus dúradar léi: “A dheirfiúr linn, bíodh an rath ort! Go raibh na mílte de dheich mílte ar do shliocht! Go raibh seilbh ag do shíol Ar gheataí a naimhde.”

[61]Ansin d'éirigh Ribeacá agus a hionailtí agus chuaigh ar muin na gcamall agus lean an fear: rug an searbhónta Ribeacá leis ar an tslí sin agus d'imigh.

[62]Bhí Íosác ag cur faoi sa Neigib agus é tagtha um an dtaca sin go dtí fásach Thobar an Bheo a Fheiceann.

[63]Le fuineadh an lae chuaigh Íosác amach ag siúl sna bánta; d'ardaigh sé a shúile agus d'fhéach uaidh agus chonaic camaill chuige.

[64] Também Rebeca levantou os olhos, e, vendo a Isaque, apeou do camelo,

[65] e perguntou ao servo: Quem é aquele homem que vem pelo campo ao nosso encontro? É o meu senhor, respondeu. Então, tomou ela o véu e se cobriu.

[66] O servo contou a Isaque todas as coisas que havia feito.

[67] Isaque conduziu-a até à tenda de Sara, mãe dele, e tomou a Rebeca, e esta lhe foi por mulher. Ele a amou; assim, foi Isaque consolado depois da morte de sua mãe.

[64]Agus d'ardaigh Ribeacá a súile agus nuair a chonaic sí Íosác tháinig anuas dá camall

[65]agus dúirt leis an searbhónta: "Cé hé an fear úd thall ag siúl an bháin inár dtreo?" "Siúd é mo mháistir," arsa an searbhónta á freagairt. Thóg sí an fial ansin agus chuir thar a ceannaithe é.

[66]D'inis an searbhónta do Íosác gach a raibh déanta aige.

[67]Rug Íosác Ribeacá leis isteach ina bhoth, rinne a chuid féin di, agus thug grá di.

[68]Fuair Íosác sólás ar an gcuma sin tar éis bhás a mháthar.

Gênesis 25

Descendentes de Abraão e Quetura

1 Crônicas 1.32,33

[1] Desposou Abraão outra mulher; chamava-se Quetura.

[2] Ela lhe deu à luz a Zinrã, Jocsã, Medã, Midiã, Isbaque e Suá.

[3] Jocsã gerou a Seba e a Dedã; os filhos de Dedã foram: Assurim, Letusim e Leumim.

[4] Os filhos de Midiã foram: Efá, Efer, Enoque, Abida e Elda. Todos estes foram filhos de Quetura.

[5] Abraão deu tudo o que possuía a Isaque.

[6] Porém, aos filhos das concubinas que tinha, deu ele presentes e, ainda em vida, os separou de seu filho Isaque, enviando-os para a terra oriental.

A morte de Abraão

[7] Foram os dias da vida de Abraão cento e setenta e cinco anos.

Geineasas 25

Cúrsaí Sleachta: Bás Abrahám

[1]Phós Abrahám an dara bean darbh ainm Catúrá,

[2]agus rug sí clann dó: Zimreán agus Iocseán agus Madán agus Midián agus Isbeác agus Siúach.

[3]Ba é Iocseán athair Shéabá agus Dadán. Ba iad clann Dadán: na hAisiúraím agus na Latúisím agus na Leumaím.

[4]Agus is iad clann Mhidián: Éafá agus Éifir agus Hanoch agus Aibídeá agus Ealdá. Clann Chatúrá iadsan go léir.

[5]Thug Abrahám a raibh aige do Íosác,

[6]ach thug Abrahám tabhartais do chlann a leannán chomh maith agus lena linn féin chuir sé chun siúil iad ona mhac Íosác, soir i dtreo na tíre lastoir.

[7]Bhí céad seachtó cúig bliana d'fhad saoil ag Abrahám.

[8] Expirou Abraão; morreu em ditosa velhice, avançado em anos; e foi reunido ao seu povo.

[8]Chuaigh sé in éag agus tháinig an bás air i bhfómhar a sheanaoise agus é ina sheanduine fadsaolach agus cruinníodh chun a mhuintire é.

[9] Sepultaram-no Isaque e Ismael, seus filhos, na caverna de Macpela, no campo de Efrom, filho de Zoar, o heteu, fronteiro a Manre,

[9]D'adhlaic a chlann mhac Íosác agus Ísmeáél é in uaimh Mhacpaelá i bhfearann Eafrón mac Zóchar an Hiteach, lastoir do Mhamrae,

[10] o campo que Abraão comprara aos filhos de Hete. Ali foi sepultado Abraão e Sara, sua mulher.

[10]an fearann a cheannaigh Abrahám ó chlann Héat. Adhlacadh Abrahám ansiúd le hais Sárá a bhean.

[11] Depois da morte de Abraão, Deus abençoou a Isaque, seu filho; Isaque habitava junto a Beer-Laai-Roi.

[11]Tar éis bháis d'Abrahám, chuir Dia a bheannacht ar a mhac Íosác, agus bhí cónaí ar Íosác i gcomharsanacht Thobar an Bheo a Fheiceann.

Descendentes de Ismael

1 Crônicas 1.28-31

[12] São estas as gerações de Ismael, filho de Abraão, que Agar, egípcia, serva de Sara, lhe deu à luz.

[12]Seo síos sliocht Ísmeáél, mac Abrahám, an mac a rug Hágár an tÉigipteach, ionailt Shárá, dó.

[13] E estes, os filhos de Ismael, pelos seus nomes, segundo o seu nascimento: o primogênito de Ismael foi Nebaiote; depois, Quedar, Abdeel, Mibsão,

[13]Seo iad ainmneacha mhac Ísmeáél de réir oird a nginte: Nabáiót céadghin Ísmeáél, agus Caedár, agus Adbael agus Miobsám

[14] Misma, Dumá, Massá,

[14]agus Mismeá agus Dúmá agus Masá,

[15] Hadade, Tema, Jetur, Nafis e Quedemá.

[15]agus Hadad agus Teamá agus Iatúr agus Náifís agus Céadamá.

[16] São estes os filhos de Ismael, e estes, os seus nomes pelas suas vilas e pelos seus acampamentos: doze príncipes de seus povos.

[16]Sin iad clann mhac Ísmeáél agus a n-ainmneacha de réir a mbailte agus a láithreacha lonnaithe: dáréag taoiseach ar a gcomhlíon treibheanna.

[17] E os anos da vida de Ismael foram cento e trinta e sete; e morreu e foi reunido ao seu povo.

[17]Mhair Ísmeáél céad agus a tríocha seacht mbliana. Ansin chuaigh sé in éag, tháinig an bás air, agus cruinníodh chun a mhuintire é.

[18] Habitaram desde Havilá até Sur, que olha para o Egito, como quem vai para a Assíria. Ele se estabeleceu fronteiro a todos os seus irmãos.

Descendentes de Isaque

[19] São estas as gerações de Isaque, filho de Abraão. Abraão gerou a Isaque;

[20] era Isaque de quarenta anos, quando tomou por esposa a Rebeca, filha de Betuel, o arameu de Padã-Arã, e irmã de Labão, o arameu.

[21] Isaque orou ao SENHOR por sua mulher, porque ela era estéril; e o SENHOR lhe ouviu as orações, e Rebeca, sua mulher, concebeu.

[22] Os filhos lutavam no ventre dela; então, disse: Se é assim, por que vivo eu? E consultou ao SENHOR.

[23] Respondeu-lhe o SENHOR: Duas nações há no teu ventre, dois povos, nascidos de ti, se dividirão: um povo será mais forte que o outro, e o mais velho servirá ao mais moço.

[24] Cumpridos os dias para que desse à luz, eis que se achavam gêmeos no seu ventre.

[25] Saiu o primeiro, ruivo, todo revestido de pêlo; por isso, lhe chamaram Esaú.

[26] Depois, nasceu o irmão; segurava com a mão o calcanhar de Esaú; por isso, lhe chamaram Jacó. Era Isaque de sessenta anos, quando Rebeca lhos deu à luz.

Esaú vende o seu direito de primogenitura

[18]Bhí cónaí air sa dúiche idir Havalá agus Siúr lastoir den Éigipt ar an mbealach chun na hAsaíre. Bhíodh sé ag spairn lena bhráithre go léir.

Óige Éasau agus Iacób

[19]Seo scéala Íosác mac Abrahám inár ndiaidh. Ghin Abrahám Íosác.

[20]Bhí Íosác daichead bliain nuair a phós sé Ribeacá, iníon Bhatúél an t-Arámach as Padan Arám, agus deirfiúr Lábán an tArámach.

[21]Agus ghuigh Íosác chun an Tiarna ar son a mhná mar go raibh sí aimrid; agus d'éist an Tiarna lena ghuí agus ghabh sí toircheas.

[22]Bhí na leanaí ag imreas ina broinn, agus dúirt sí: “Más mar sin atá, cad ab áil liom a bheith beo?” Chuaigh sí i gcomhairle leis an Tiarna dá bhrí sin,

[23]agus dúirt an Tiarna léi: “Tá dhá náisiún i do bhroinn; Cinfidh dhá chine naimhdeacha uait; Beidh náisiún díobh ina mháistir ar an gceann eile, Agus déanfaidh an sinsear freastal ar an sóisear.”

[24]Nuair a tháinig a hionú, sea bhí cúpla ina broinn.

[25]An duine ba thúisce acu a saolaíodh, bhí sé rua agus é amhail is a bheadh a chorp fillte i mbrat fionnaidh; uime sin thugadar Éasau air.

[26]Ansin rugadh a dheartháir agus greim lena láimh aige ar sháil Éasau; uime sin thugadar Iacób air. Bhí Íosác trí fichid bliain nuair a rugadh iad.

[27] Cresceram os meninos. Esaú saiu perito caçador, homem do campo; Jacó, porém, homem pacato, habitava em tendas.

[27]Nuair a d'fhás na buachaillí suas, rinne fiagaí oilte d'Éasau, fear tuaithe. Ba dhuine ciúin é Iacób, áfach agus, d'fhanadh sé sa bhaile sna bothanna.

[28] Isaque amava a Esaú, porque se saboreava de sua caça; Rebeca, porém, amava a Jacó.

[28]B'fhearr le hÍosác Éasau mar go bhfuair sé blas ar an tseilg; ach b'fhearr le Ribeacá Iacób.

[29] Tinha Jacó feito um cozinhado, quando, esmorecido, veio do campo Esaú

[29]Lá dá raibh brachán á bhruith ag Iacób, tháinig Éasau isteach ón machaire agus é stiúgtha leis an ocras.

[30] e lhe disse: Peço-te que me deixes comer um pouco desse cozinhado vermelho, pois estou esmorecido. Daí chamar-se Edom.

[30]Agus dúirt Éasau le Iacób: “Lig dom cuid den bhrachán rua sin a ithe. Táim stiúgtha” - uaidh sin a fuair sé an t-ainm Eadóm.

[31] Disse Jacó: Vende-me primeiro o teu direito de primogenitura.

[31]“Reic liom do cheart sinsearachta ar dtús más ea,” arsa Iacób.

[32] Ele respondeu: Estou a ponto de morrer; de que me aproveitará o direito de primogenitura?

[32]“Cén tairbhe domsa mo cheart sinsearachta,” arsa Éasau, “agus an bás ag snámh orm?”

[33] Então, disse Jacó: Jura-me primeiro. Ele jurou e vendeu o seu direito de primogenitura a Jacó.

[33]“Mionnaigh dom ar dtús é!” arsa Iacób. Thug Éasau a mhionn dó ansin agus dhíol a cheart sinsearachta le Iacób.

[34] Deu, pois, Jacó a Esaú pão e o cozinhado de lentilhas; ele comeu e bebeu, levantou-se e saiu. Assim, desprezou Esaú o seu direito de primogenitura.

[34]Ansin thug Iacób arán agus brachán lintile do Éasau; d'ith seisean agus d'ól agus d'imigh leis. Sin a raibh de mheas ag Éasau ar a cheart sinsearachta.

Gênesis 26

Isaque na terra dos filisteus

[1] Sobrevindo fome à terra, além da primeira havida nos dias de Abraão, foi Isaque a Gerar, avistar-se com Abimeleque, rei dos filisteus.

Geineasas 26

Íosác i nGearár

[1]Bhí gorta sa tír - ceann eile seachas é siúd a bhí le linn Abrahám - agus chuaigh Íosác go Gearár, go hAibímeilic rí na bhFilistíneach.

2 Apareceu-lhe o SENHOR e disse: Não desças ao Egito. Fica na terra que eu te disser;

3 habita nela, e serei contigo e te abençoarei; porque a ti e a tua descendência darei todas estas terras e confirmarei o juramento que fiz a Abraão, teu pai.

4 Multiplicarei a tua descendência como as estrelas dos céus e lhe darei todas estas terras. Na tua descendência serão abençoadas todas as nações da terra;

5 porque Abraão obedeceu à minha palavra e guardou os meus mandados, os meus preceitos, os meus estatutos e as minhas leis.

6 Isaque, pois, ficou em Gerar.

7 Perguntando-lhe os homens daquele lugar a respeito de sua mulher, disse: É minha irmã; pois temia dizer: É minha mulher; para que, dizia ele consigo, os homens do lugar não me matem por amor de Rebeca, porque era formosa de aparência.

8 Ora, tendo Isaque permanecido ali por muito tempo, Abimeleque, rei dos filisteus, olhando da janela, viu que Isaque acariciava a Rebeca, sua mulher.

9 Então, Abimeleque chamou a Isaque e lhe disse: É evidente que ela é tua esposa; como, pois, disseste: É minha irmã? Respondeu-lhe Isaque: Porque eu dizia: para que eu não morra por causa dela.

2 Thaispeáin an Tiarna é féin dó agus dúirt: “Ná téigh síos go dtí an Éigipt ach fan sa tír a inseoidh mé duit.

3 Fan go fóill sa tír seo agus beidh mise farat agus cuirfidh mé mo bheannacht ort. Óir is duitse agus do do shliocht a thabharfaidh mé na dúichí seo go léir, agus comhlíonfaidh mé an mionn a thug mé do bhur n-athair Abrahám.

4 Cuirfidh mé an rath ar do shíol mar réaltaí neimhe, agus tabharfaidh mé na dúichí seo go léir do do shliocht; agus is trí do shliochtsa a bheannóidh ciníocha an domhain go léir iad féin.

5 Óir bhí Abrahám umhal do mo ghlór agus rinne sé mo réir, chomhlíon sé m'aitheanta agus mo reachtanna agus mo dhlíthe.”

6 D'fhan Íosác i nGearár dá bhrí sin.

7 Nuair a chuir muintir na háite ceist air faoina bhean, d'fhreagair sé: “Is í mo dheirfiúr í,” mar bhí eagla air a rá: “Is í mo bhean í,” le faitíos go gcuirfidís é féin chun báis ar son Ribeacá de bharr feabhas a scéimhe.

8 Tharla, agus tamall fada caite aige ann, gur fhéach Aibímeilic, rí na bhFilistíneach, amach trí fhuinneog agus go bhfaca sé Íosác ag láínteacht lena bhean Ribeacá.

9 Chuir Aibímeilic fios ar Íosác: “Ní foláir nó gurb í do bhean í! Conas mar sin a d'fhéad tú a rá: ‘Is í mo dheirfiúr í’?” “Mar go raibh eagla orm,” arsa Íosác leis, “go marófaí mé ar a son.”

[10] Disse Abimeleque: Que é isso que nos fizeste? Facilmente algum do povo teria abusado de tua mulher, e tu, atraído sobre nós grave delito.

[11] E deu esta ordem a todo o povo: Qualquer que tocar a este homem ou à sua mulher certamente morrerá.

[12] Semeou Isaque naquela terra e, no mesmo ano, recolheu cento por um, porque o SENHOR o abençoava.

[13] Enriqueceu-se o homem, prosperou, ficou riquíssimo;

[14] possuía ovelhas e bois e grande número de servos, de maneira que os filisteus lhe tinham inveja.

[15] E, por isso, lhe entulharam todos os poços que os servos de seu pai haviam cavado, nos dias de Abraão, enchendo-os de terra.

[16] Disse Abimeleque a Isaque: Aparta-te de nós, porque já és muito mais poderoso do que nós.

[17] Então, Isaque saiu dali e se acampou no vale de Gerar, onde habitou.

[18] E tornou Isaque a abrir os poços que se cavaram nos dias de Abraão, seu pai (porque os filisteus os haviam entulhado depois da morte de Abraão), e lhes deu os mesmos nomes que já seu pai lhes havia posto.

[10]“Céard é seo atá déanta agat linn?” arsa Aibímeilic. “B'fhurasta a tharlú go rachadh duine dár muintir chun luí le do bhean agus ansin bheadh coir tugtha sa mhullach agat orainn.”

[11]Ansin thug Aibímeilic ordú dá mhuintir go léir: “Aon duine a leagfaidh lámh ar an bhfear seo nó ar a bhean, cuirfear chun báis é.”

[12]Chuir Íosác síol sa tír agus bhain sé fómhar faoi chéad an bhliain sin. Chuir an Tiarna a bheannacht airsean,

[13]agus rinne fear saibhir de agus mhéadaigh ar a mhaoin i gcónaí go dtí go raibh sé an-ghustalach ar fad.

[14]Bhí táinte agus tréada agus a lán searbhóntaí aige i dtreo go dtáinig formad ar na Filistínigh leis.

[15]Na toibreacha fíoruisce go léir a thochail daoir a athar le linn Abrahám a athair, chaith na Filistínigh cré isteach iontu agus dhún iad.

[16]Agus dúirt Aibímeilic le hÍosác: “Imigh leat uainne, mar is cumhachtaí go mor tú ná sinne.”

[17]D'fhág Íosác an áit sin agus chuir suas a bhoth i nGleann Ghearár agus chuir faoi ann.

[18]Agus thochail Íosác arís na toibreacha fíoruisce a rinne daoir a athar Abrahám, ach a dhún na Filistínigh tar éis bhás Abrahám, agus thug sé na hainmneacha céanna orthu agus a thug a athair.

[19] Cavaram os servos de Isaque no vale e acharam um poço de água nascente.
[20] Mas os pastores de Gerar contenderam com os pastores de Isaque, dizendo: Esta água é nossa. Por isso, chamou o poço de Eseque, porque contenderam com ele.
[21] Então, cavaram outro poço e também por causa desse contenderam. Por isso, recebeu o nome de Sitna.
[22] Partindo dali, cavou ainda outro poço; e, como por esse não contenderam, chamou-lhe Reobote e disse: Porque agora nos deu lugar o SENHOR, e prosperaremos na terra.
[23] Dali subiu para Berseba.
[24] Na mesma noite, lhe apareceu o SENHOR e disse: Eu sou o Deus de Abraão, teu pai. Não temas, porque eu sou contigo; abençoar-te-ei e multiplicarei a tua descendência por amor de Abraão, meu servo.
[25] Então, levantou ali um altar e, tendo invocado o nome do SENHOR, armou a sua tenda; e os servos de Isaque abriram ali um poço.

Isaque faz aliança com Abimeleque

[26] De Gerar foram ter com ele Abimeleque e seu amigo Ausate e Ficol, comandante do seu exército.

[27] Disse-lhes Isaque: Por que viestes a mim, pois me odiais e me expulsastes do vosso meio?
[28] Eles responderam: Vimos claramente que o SENHOR é contigo; então,

[19]Nuair a thochail daoir Íosác sa ghleann agus go bhfuaireadar tobar fíoruisce,
[20]tháinig aoirí Ghearár chun imris le haoirí Íosác á rá: “Linne an t-uisce.” Thug sé Éisic (Aighneas) dá bhrí sin ar an tobar mar go ndearnadar aighneas leis.
[21]Ansin thochail siad tobar eile, agus bhí aighneas eatarthu faoi sin leis, agus thug sé Sitneá (Eascairdeas) air.
[22]D'fhág sé an áit sin agus thochail sé tobar eile agus ní raibh aon imreas faoin gceann seo, agus thug sé Rachóbót (Fairsinge) air á rá: “Thug an Tiarna fairsinge dúinn anois agus beidh an rath orainn sa dúiche.”
[23]Chuaigh sé as sin go Béar Seaba.
[24]Thaispeáin an Tiarna é féin dó an oíche sin agus dúirt: “Mise Dia d'athar Abrahám. Ná bíodh eagla ort, óir táimse farat. Beannóidh mé thú agus cuirfidh mé an rath go líonmhar ar do shíol, Ar son mo shearbhónta Abrahám.”
[25]Thóg sé altóir don Tiarna ansiúd agus ghlaoigh ar ainm an Tiarna. Chuir sé suas a bhoth ann agus thochail daoir Íosác tobar ann.

Conradh le hAibímeilic

[26]Agus tháinig Aibímeilic ar a thuairisc ó Ghearár agus Achuzat a chomhairleoir agus Fíocol a thaoiseach airm in éineacht leis.
[27]Dúirt Íosác leo: “Cad a ba áil libh teacht chugam ós fuath libh mé agus gur chuir sibh chun siúil uaibh mé?”
[28]D'fhreagraíodar: “Ba léir dúinn go raibh an Tiarna leat, agus dúramar: Bíodh mionn

dissemos: Haja agora juramento entre nós e ti, e façamos aliança contigo.

29 Jura que nos não farás mal, como também não te havemos tocado, e como te fizemos somente o bem, e te deixamos ir em paz. Tu és agora o abençoado do SENHOR.

30 Então, Isaque lhes deu um banquete, e comeram e beberam.

31 Levantando-se de madrugada, juraram de parte a parte; Isaque os despediu, e eles se foram em paz.

32 Nesse mesmo dia, vieram os servos de Isaque e, dando-lhe notícia do poço que tinham cavado, lhe disseram: Achamos água.

33 Ao poço, chamou-lhe Seba; por isso, Berseba é o nome daquela cidade até ao dia de hoje.

34 Tendo Esaú quarenta anos de idade, tomou por esposa a Judite, filha de Beeri, heteu, e a Basemate, filha de Elom, heteu.

35 Ambas se tornaram amargura de espírito para Isaque e para Rebeca.

Gênesis 27

Isaque abençoa a Jacó e a Esaú

1 Tendo-se envelhecido Isaque e já não podendo ver, porque os olhos se lhe enfraqueciam, chamou a Esaú, seu filho mais velho, e lhe disse: Meu filho! Respondeu ele: Aqui estou!

eadrainn, agus déanaimis conradh le chéile, sinne agus tusa,

29nach ndéanfaidh tusa aon dochar dúinn, faoi mar nach ndearnamarna riamh aon díobháil duit ach bhíomar i gcónaí cineálta leat agus chuireamar chun siúil tú faoi shíocháin. Anois tá beannacht an Tiarna ort."

30Rinne sé fleá dóibh ansin agus chaitheadar bia agus deoch.

31D'éiríodar go moch ar maidin agus ghlacadar mionn a chéile. Ansin d'fhag Íosác slán acu agus d'imíodar uaidh faoi shíocháin.

32An lá ceannann céanna tháinig daoir Íosác chuige le scéala an tobair a thochail siad. "Thángamar ar uisce," ar siad.

33Thug sé Sibeá (Mionn) ar an tobar dá bhrí sin agus tá Béar Seaba ar an gcathair go dtí an lá atá inniu ann.

Mná Éasau

34Nuair a bhí Éasau daichead bliain phós sé Iúidit iníon Bhéirí an Hiteach, agus Básamat iníon Éalon an Hiteach.

35Ghoill an bheirt bhan seo ar chroí ar Íosác agus ar Ribeacá.

Geineasas 27

Beannacht Íosác do Iacób

1Chuaigh Íosác in aois agus sramdhalladh a shúile i dtreo nárbh fhéidir leis aon ní a fheiceáil. Ghlaoigh sé chuige ar Éasau an mac ba shine. "A mhic," ar sé leis, agus d'fhreagair seisean: "Anseo dom."

[2] Disse-lhe o pai: Estou velho e não sei o dia da minha morte.

[3] Agora, pois, toma as tuas armas, a tua aljava e o teu arco, sai ao campo, e apanha para mim alguma caça,

[4] e faze-me uma comida saborosa, como eu aprecio, e traze-ma, para que eu coma e te abençoe antes que eu morra.

[5] Rebeca esteve escutando enquanto Isaque falava com Esaú, seu filho. E foi-se Esaú ao campo para apanhar a caça e trazê-la.

[6] Então, disse Rebeca a Jacó, seu filho: Ouvi teu pai falar com Esaú, teu irmão, assim:

[7] Traze caça e faze-me uma comida saborosa, para que eu coma e te abençoe diante do SENHOR, antes que eu morra.

[8] Agora, pois, meu filho, atende às minhas palavras com que te ordeno.

[9] Vai ao rebanho e traze-me dois bons cabritos; deles farei uma saborosa comida para teu pai, como ele aprecia;

[10] levá-la-ás a teu pai, para que a coma e te abençoe, antes que morra.

[11] Disse Jacó a Rebeca, sua mãe: Esaú, meu irmão, é homem cabeludo, e eu, homem liso.

[12] Dar-se-á o caso de meu pai me apalpar, e passarei a seus olhos por zombador;

[2]Dúirt sé ansin: “Féach go ndeachaigh mé in aois agus nach bhfuil fios lá mo bháis agam.

[3]Gabh chugat do chuid airm dá bhrí sin, do bholgán agus do bhogha agus imigh amach faoi na bánta agus faigh seilg dom.

[4]Déan béile bia blasta dom mar is maith liom agus tabhair chugam é go n-íosfaidh mé agus mo bheannacht a chur ort roimh bhás dom.”

[5]Chuala Ribeacá an chaint sin á rá ag Íosác lena mhac Éasau. Nuair a chuaigh Éasau amach faoi na bánta dá bhrí sin ar thóir seilge dá athair,

[6]dúirt Ribeacá lena mac Iacób: “Chuala mé d'athair ag caint le do dhearthráir Éasau anois beag agus á rá leis:

[7]‘Tabhair seilg chugam agus déan béile bia blasta dom. Ansin íosfaidh mé agus cuirfidh mé mo bheannacht ort i láthair an Tiarna roimh bhás dom.’

[8]Éist liom dá bhrí sin a mhic, agus déan mar a deirim leat.

[9]Téigh go dtí an tréad agus beir leat dhá mheannán mhaithe chugam i dtreo go ndéanfainn béile bia blasta díobh mar is maith le d'athair.

[10]Agus tabharfaidh tú chun d'athar é i dtreo go n-íosfaidh sé agus a bheannacht a chur ort roimh bhás dó.”

[11]Dúirt Iacób lena mháthair Ribeacá: “Féach, tá mo dhearthráir Éasau lán d'fhionnadh, ach tá mo chneas-sa mín.

[12]Má tharlaíonn go mbainfidh m'athair liom, sílfidh sé mé a bheith ag magadh

assim, trarei sobre mim maldição e não bênção.

[13] Respondeu-lhe a mãe: Caia sobre mim essa maldição, meu filho; atende somente o que eu te digo, vai e traze-mos.

[14] Ele foi, tomou-os e os trouxe a sua mãe, que fez uma saborosa comida, como o pai dele apreciava.

[15] Depois, tomou Rebeca a melhor roupa de Esaú, seu filho mais velho, roupa que tinha consigo em casa, e vestiu a Jacó, seu filho mais novo.

[16] Com a pele dos cabritos cobriu-lhe as mãos e a lisura do pescoço.

[17] Então, entregou a Jacó, seu filho, a comida saborosa e o pão que havia preparado.

[18] Jacó foi a seu pai e disse: Meu pai! Ele respondeu: Fala! Quem és tu, meu filho?

[19] Respondeu Jacó a seu pai: Sou Esaú, teu primogênito; fiz o que me ordenaste. Levanta-te, pois, assenta-te e come da minha caça, para que me abençoes.

[20] Disse Isaque a seu filho: Como é isso que a pudeste achar tão depressa, meu filho? Ele respondeu: Porque o SENHOR, teu Deus, a mandou ao meu encontro.

[21] Então, disse Isaque a Jacó: Chega-te aqui, para que eu te apalpe, meu filho, e veja se és meu filho Esaú ou não.

faoi, agus is ní beannacht ach mallacht a thabharfaidh mé sa mhullach orm féin.”

[13]“Bíodh an mhallacht sin ormsa, a mhic,” arsa a mháthair leis, “ach éist le mo ghlór, imigh leat agus tabhair chugam iad siúd.”

[14]D'imigh sé ag triall ar an dá mheannán dá bhrí sin agus thug chun a mháthar iad agus rinne sise an béile bia blasta a thaitin le hÍosác.

[15]Ansin thóg Ribeacá an t-éadach is fearr a bhí sa teach aici leis an mac ba shine Éasau agus chuir iad ar Iacób an mac ba óige;

[16]agus chlúdaigh sí a ghéaga agus mín a mhuiníl le seithí na meannán.

[17]Ansin shín sí chun a mic Iacób an bia blasta agus an t-arán a bhí ullamh aici.

[18]Chuaigh sé i láthair a athar: “A athair,” ar sé. “Anseo dom,” ar seisean, “agus cé hé thú féin, a mhic?”

[19]D'fhreagair Iacób: “Mise Éasau do chéadghin; rinne mé mar a dúirt tú. Éirigh aniar, agus ith den tseilg a thug mé chugat go gcuirfidh tú do bheannacht orm.”

[20]Dúirt Íosác lena mhac: “Nach gasta a fuair tú í, a mhic!” D'fhreagair sé: “Ba é an Tiarna do Dhia a chas i mo threo í.”

[21]Ansin dúirt Íosác le Iacób: “Tar i leith chugam, a mhic, go leagfaidh mé lámh ort agus go mbeidh a fhios agam an tú dáiríre mo mhac Éasau nó nach tú.”

[22] Jacó chegou-se a Isaque, seu pai, que o apalpou e disse: A voz é de Jacó, porém as mãos são de Esaú.

[22]Dhruid Iacób suas taobh le hÍosác a athair, agus leag seisean lámh air agus dúirt: “Guth Iacóib é an guth, ach lámha Éasau iad na lámha.”

[23] E não o reconheceu, porque as mãos, com efeito, estavam peludas como as de seu irmão Esaú. E o abençoou.

[23]Níor aithin sé é mar go raibh fionnadh ar a lámha mar lámha Éasau, agus chuir sé a bheannacht air.

[24] E lhe disse: És meu filho Esaú mesmo? Ele respondeu: Eu sou.

[24]“An tú dáiríre mo mhac Éasau?” ar sé, agus d'fhreagair sé: “Is mé sin.”

[25] Então, disse: Chega isso para perto de mim, para que eu coma da caça de meu filho; para que eu te abençoe. Chegou-lho, e ele comeu; trouxe-lhe também vinho, e ele bebeu.

[25]“Más ea,” arsa Íosác, “tabhair chugam le hithe an tseilg a fuair mo mhac, go gcuirfidh mé mo bheannacht ort.” Thug sé chuige í agus d'ith sé; agus thug sé fíon chuige agus d'ól sé.

[26] Então, lhe disse Isaque, seu pai: Chega-te e dá-me um beijo, meu filho.

[26]Ansin dúirt a athair Íosác leis: “Tar i leith chugam a mhic, agus tabhair dom póg.”

[27] Ele se chegou e o beijou. Então, o pai aspirou o cheiro da roupa dele, e o abençoou, e disse: Eis que o cheiro do meu filho é como o cheiro do campo, que o SENHOR abençoou;

[27]Tháinig sé i leith chuige agus thug póg dó. Fuair sé mos agus boladh a chuid éadaigh agus bheannaigh é agus dúirt: “An boladh atá ó mo mhac, is cosúil é leis an mboladh ó ghort torthúil ar a bhfuil beannacht ón Tiarna.

[28] Deus te dê do orvalho do céu, e da exuberância da terra, e fartura de trigo e de mosto.

[28]Go dtuga Dia duit de dhrúcht neimhe, agus de mhéith na talún, flúirse arbhair agus fíona!

[29] Sirvam-te povos, e nações te reverenciem; sê senhor de teus irmãos, e os filhos de tua mãe se encurvem a ti; maldito seja o que te amaldiçoar, e abençoado o que te abençoar.

[29]Go ndéana náisiúin seirbhís duit agus go sléachta ciníocha go talamh duit! Bí i gceannas ar do bhráithre; go sléachta mic do mháthar go talamh duit! Go raibh mallacht ar gach duine a chuirfidh mallacht ort; go raibh beannacht ar gach duine a chuirfidh beannacht ort!”

[30] Mal acabara Isaque de abençoar a Jacó, tendo este saído da presença de Isaque,

[30]Is ar éigean a bhí deireadh ag Íosác ag beannú Iacóib agus Iacób imithe amach

seu pai, chega Esaú, seu irmão, da sua caçada.

[31] E fez também ele uma comida saborosa, a trouxe a seu pai e lhe disse: Levanta-te, meu pai, e come da caça de teu filho, para que me abençoes.

[32] Perguntou-lhe Isaque, seu pai: Quem és tu? Sou Esaú, teu filho, o teu primogênito, respondeu.

[33] Então, estremeceu Isaque de violenta comoção e disse: Quem é, pois, aquele que apanhou a caça e ma trouxe? Eu comi de tudo, antes que viesses, e o abençoei, e ele será abençoado.

[34] Como ouvisse Esaú tais palavras de seu pai, bradou com profundo amargor e lhe disse: Abençoa-me também a mim, meu pai!

[35] Respondeu-lhe o pai: Veio teu irmão astuciosamente e tomou a tua bênção.

[36] Disse Esaú: Não é com razão que se chama ele Jacó? Pois já duas vezes me enganou: tirou-me o direito de primogenitura e agora usurpa a bênção que era minha. Disse ainda: Não reservaste, pois, bênção nenhuma para mim?

[37] Então, respondeu Isaque a Esaú: Eis que o constituí em teu senhor, e todos os seus irmãos lhe dei por servos; de trigo e de mosto o apercebi; que me será dado fazer-te agora, meu filho?

óna athair Íosác nuair a tháinig Éasau a dhearthái isteach ón bhfiach.

[31]Rinne seisean leis bia blasta a chóiriú agus thug leis chun a athar é. Agus dúirt sé lena athair: “Éirigh aniar, a athair, agus ith den tseilg a thug do mhac leis agus ansin tabhair dom do bheannacht.”

[32]D'fhiafraigh a athair Íosác de: “Cé hé thú féin?” D'fhreagair sé: “Mise do mhac, do chéadghin Éasau.”

[33]Bhuail taom de bhallchrith Íosác agus dúirt: “Cérbh é siúd mar sin,” ar sé, “a chuaigh ag fiach agus a fuair seilg agus a thug chugam í agus gur ith mé í go léir sula dtainig tú? Chuir mé mo bheannacht air, sea, agus is air a fhanfaidh mo bheannacht!”

[34]Nuair a chuala Éasau an chaint sin lig sé liú ard cráite as á rá in ard a ghutha: “Ó a athair liom, cuir do bheannacht ormsa, sea ormsa, chomh maith.”

[35]D'fhreagair sé: “Tháinig do dhearthái trí chealg agus sciob sé leis do bheannacht.”

[36]Dúirt Éasau: “Nach maith mar atá sé tuillte aige Iacób a bheith mar ainm air. Seo an dara huair aige ag fáil buntáiste orm. Sciob sé leis mo cheart sinsearachta, agus seo anois é ag baint mo bheannachta díom.” Agus ar sé: “Ar choimeád tú aon bheannacht domsa?”

[37]Thug Íosác freagra ar Éasau: “Féach! rinne mé tiarna de os do chionn; thug mé a bhráithre uile mar shearbhóntaí dó; thug mé arbhar agus fíon mar chothú dó; cad

eile a fhágann sin le déanamh duitse, a mhic?”

[38] Disse Esaú a seu pai: Acaso, tens uma única bênção, meu pai? Abençoa-me, também a mim, meu pai. E, levantando Esaú a voz, chorou.

[38]Dúirt Éasau lena athair: “An amhlaidh nach bhfuil agat ach an t-aon bheannacht amháin, a athair? Cuir beannacht ormsa, chomh maith, a athair liom.” [Níor labhair Íosác focal], ach scread Éasau in ard a chinn agus bhris a ghol air.

[39] Então, lhe respondeu Isaque, seu pai: Longe dos lugares férteis da terra será a tua habitação, e sem orvalho que cai do alto.

[39]D'fhreagair a athair Íosác é ansin mar leanas: “Is fada ó mhéith na talún a bheidh d'áit lonnaithe, agus is fada ón drúcht ó neamh thuas.

[40] Viverás da tua espada e servirás a teu irmão; quando, porém, te libertares, sacudirás o seu jugo da tua cerviz.

[40]Mairfidh tú de bhíthin do chlaímh, agus déanfaidh tú fónamh do do dhearthair. Ach nuair a bhainfidh tú saoirse amach, cuirfidh tú a chuingsean de do mhuineál.”

[41] Passou Esaú a odiar a Jacó por causa da bênção, com que seu pai o tinha abençoado; e disse consigo: Vêm próximos os dias de luto por meu pai; então, matarei a Jacó, meu irmão.

[41]Thug Éasau fuath do Iacób de bharr na beannachta lenar bheannaigh a athair é, agus dúirt Éasau leis féin: “Is gearr uainn an lá ina mbeidh m'athair á chaoineadh againn, agus ansin maróidh mé mo dhearthair Iacób.”

[42] Chegaram aos ouvidos de Rebeca estas palavras de Esaú, seu filho mais velho; ela, pois, mandou chamar a Jacó, seu filho mais moço, e lhe disse: Eis que Esaú, teu irmão, se consola a teu respeito, resolvendo matar-te.

[42]Insíodh do Ribeacá an ní a dúirt Éasau an mac ba shine agus chuir sise fios ar Iacób an mac ab óige, agus dúirt leis: “Féach, tá do dhearthair Éasau ag iarraidh sásamh a bhaint asat agus tú a mharú.

[43] Agora, pois, meu filho, ouve o que te digo: retira-te para a casa de Labão, meu irmão, em Harã;

[43]Anois mar sin a mhic ó, éist le mo ghlór: Éirigh, teith go Lábán mo dhearthair i Hárán

[44] fica com ele alguns dias, até que passe o furor de teu irmão,

[44]agus fan tamall ina fhochair go dtráfaidh fearg do dhearthár,

[45] e cesse o seu rancor contra ti, e se esqueça do que lhe fizeste. Então,

[45]agus go ndéana sé dearmad dá bhfuil déanta agat ina aghaidh; ansin cuirfidh mé

providenciarei e te farei regressar de lá. Por que hei de eu perder os meus dois filhos num só dia?

46 Disse Rebeca a Isaque: Aborrecida estou da minha vida, por causa das filhas de Hete; se Jacó tomar esposa dentre as filhas de Hete, tais como estas, as filhas desta terra, de que me servirá a vida?

fios ort agus tabharfaidh mé ar ais thú on áit sin. Cén fáth go gcaillfinn sibh araon san aon lá amháin?"

Seolann Íosác Iacób go Lábán

46Dúirt Ribeacá ansin le hÍosác: "Táim cortha den saol de bharr iníonacha Héat. Má phósann Iacób ceann d'iníonacha Héat, mar iad seo, duine de mhná na tíre seo, cén tairbhe dom a bheith beo feasta?"

Gênesis 28

A fuga de Jacó

1 Isaque chamou a Jacó e, dando-lhe a sua bênção, lhe ordenou, dizendo: Não tomarás esposa dentre as filhas de Canaã. 2 Levanta-te, vai a Padã-Arã, à casa de Betuel, pai de tua mãe, e toma lá por esposa uma das filhas de Labão, irmão de tua mãe.

3 Deus Todo-Poderoso te abençoe, e te faça fecundo, e te multiplique para que venhas a ser uma multidão de povos;

4 e te dê a bênção de Abraão, a ti e à tua descendência contigo, para que possuas a terra de tuas peregrinações, concedida por Deus a Abraão.

5 Assim, despediu Isaque a Jacó, que se foi a Padã-Arã, à casa de Labão, filho de Betuel, o arameu, irmão de Rebeca, mãe de Jacó e de Esaú.

6 Vendo, pois, Esaú que Isaque abençoara a Jacó e o enviara a Padã-Arã, para tomar de lá esposa para si; e vendo que, ao

Geineasas 28

1Asin ghlaoigh Íosác ar Iacób agus bheannaigh é agus thug an t-ordú seo dó: "Ná pós bean de mhná na gCanánach. 2Imigh leat soir go Padan Arám go teach Bhatúél, athair do mháthar, agus tóg ón áit sin duine d'iníonacha Lábán, deartháir do mháthar, mar bhean duit féin.

3Go mbeannaí Dia Uilechumhachtach thú agus go gcuire sé an rath ort agus sliocht iomadúil i dtreo go ndéana baicle ciníocha díot.

4Go gcuire sé beannacht Abrahám ort féin agus ar do shliocht i do theannta i dtreo go bhfaighidh tú seilbh ar an bhfearann ina bhfuil tú anois, fearann a thug sé d'Abrahám."

5Chuir Íosác Iacób chun siúil agus d'imigh Iacób go Padan Arám, go Lábán mac Bhatúél an tArámach, deartháir Ribeacá, máthair Iacób agus Éasau.

Pósann Éasau Arís

6Chonaic Éasau gur chuir Íosác a bheannacht ar Iacób agus gur sheol sé go Padan Arám é chun bean a fháil ann, agus

abençoá-lo, lhe ordenara, dizendo: Não tomarás mulher dentre as filhas de Canaã;

7 e vendo, ainda, que Jacó, obedecendo a seu pai e a sua mãe, fora a Padã-Arã;

8 sabedor também de que Isaque, seu pai, não via com bons olhos as filhas de Canaã,

9 foi Esaú à casa de Ismael e, além das mulheres que já possuía, tomou por mulher a Maalate, filha de Ismael, filho de Abraão, e irmã de Nebaiote.

A visão da escada

10 Partiu Jacó de Berseba e seguiu para Harã.

11 Tendo chegado a certo lugar, ali passou a noite, pois já era sol-posto; tomou uma das pedras do lugar, fê-la seu travesseiro e se deitou ali mesmo para dormir.

12 E sonhou: Eis posta na terra uma escada cujo topo atingia o céu; e os anjos de Deus subiam e desciam por ela.

13 Perto dele estava o SENHOR e lhe disse: Eu sou o SENHOR, Deus de Abraão, teu pai, e Deus de Isaque. A terra em que agora estás deitado, eu ta darei, a ti e à tua descendência.

14 A tua descendência será como o pó da terra; estender-te-ás para o Ocidente e para o Oriente, para o Norte e para o Sul. Em ti e na tua descendência serão abençoadas todas as famílias da terra.

15 Eis que eu estou contigo, e te guardarei por onde quer que fores, e te farei voltar

á bheannú dó gur thug sé ordú: “Ná pós bean de mhná na gCanánach”;

7agus gur ghéill Iacób dá athair agus dá mháthair agus go ndeachaigh sé go Padan Arám.

8Tuigeadh dó dá bhrí sin nár thaitin mná na gCanánach le hÍosác a athair,

9agus chuaigh sé go hÍsmeáél agus phós sé bean eile de bhreis ar na mná a bhí aige, Machalat iníon le hÍsmeáél mac Abrahám, deirfiúr Nabáiót.

Taibhreamh Iacóib

10D'fhág Iacób Béar Seaba agus thug aghaidh ar Hárán.

11Tháinig sé go dtí áit áirithe agus chaith sé an oíche ann mar go raibh an ghrian imithe faoi. Thóg sé cloch de na clocha a bhí ansiúd agus chuir faoina cheann í agus luigh síos mar a raibh sé.

12Rinneadh taibhreamh dó: dréimire ina sheasamh ar an talamh agus a bharr ag sroicheadh neimhe, agus bhí aingil Dé suas agus anuas air.

13Agus bhí an Tiarna ansiúd ina sheasamh os a chionn agus dúirt: “Mise an Tiarna, Dia Abrahám, d'athair, agus Dia Íosác. Tabharfaidh mé duitse agus do do shliocht an talamh ar a bhfuil tú i do luí.

14Beidh do shliocht mar luaithreach na talún, agus leathfaidh tú siar agus soir, ó thuaidh agus ó dheas; agus is tríotsa agus trí do shliocht a bheannóidh treibheanna uile an domhain iad féin.

15Féach! táim taobh leat agus cosnóidh mé thú cibé áit a ngabhfaidh tú agus seolfaidh

a esta terra, porque te não desampararei, até cumprir eu aquilo que te hei referido.

[16] Despertado Jacó do seu sono, disse: Na verdade, o SENHOR está neste lugar, e eu não o sabia.

[17] E, temendo, disse: Quão temível é este lugar! É a Casa de Deus, a porta dos céus.

A coluna de Betel

[18] Tendo-se levantado Jacó, cedo, de madrugada, tomou a pedra que havia posto por travesseiro e a erigiu em coluna, sobre cujo topo entornou azeite.

[19] E ao lugar, cidade que outrora se chamava Luz, deu o nome de Betel.

[20] Fez também Jacó um voto, dizendo: Se Deus for comigo, e me guardar nesta jornada que empreendo, e me der pão para comer e roupa que me vista,

[21] de maneira que eu volte em paz para a casa de meu pai, então, o SENHOR será o meu Deus;

[22] e a pedra, que erigi por coluna, será a Casa de Deus; e, de tudo quanto me concederes, certamente eu te darei o dízimo.

Gênesis 29

Jacó encontra-se com Raquel

[1] Pôs-se Jacó a caminho e se foi à terra do povo do Oriente.

[2] Olhou, e eis um poço no campo e três rebanhos de ovelhas deitados junto dele;

mé ar ais chun na tíre seo thú, mar ní scarfaidh mé leat nó go ndéanfaidh mé a bhfuil geallta agam duit.”

[16]Ansin dhúisigh Iacób as a chodladh agus dúirt: “Tá an Tiarna san áit seo, tá sin, agus ní raibh a fhios agam é.”

[17]Bhí eagla air agus dúirt: “Nach uaimhneach an áit é seo! Céard eile é seo ach teach Dé! Is é geata na bhflaitheas é.”

[18]D'éirigh Iacób go moch ar maidin dá bhrí sin, agus thóg an chloch a bhí faoina cheann agus chuir ina seasamh í mar ghallán cuimhneacháin, agus dhoirt ola uirthi.

[19]Thug sé Béitéil mar ainm ar an áit; Lúz a bhí mar ainm ar an mbaile roimhe sin.

[20]Thug Iacób móid ansin á rá: “Má bhíonn Dia liom agus mé a choimeád slán ar an turas seo ar a dtriallaim, agus bia le hithe a thabhairt dom, agus éadach le caitheamh,

[21]i dtreo go bhfillfidh mé slán folláin ar theach m'athar, ansin beidh an Tiarna ina Dhia agam,

[22]agus an chloch seo a chuir mé ina seasamh mar ghallán cuimhneacháin, beidh sí ina teach Dé, agus tabharfaidh mé duit deachú dá mbronnann tú orm.”

Geineasas 29

[1]Chuaigh Iacób ar aghaidh agus tháinig sé go dtí tír mhuintir an Oirthir.

[2]D'fhéach sé agus ba shiúd tobar sna bánta agus trí thréad caorach ina luí lena ais, mar

porque daquele poço davam de beber aos rebanhos; e havia grande pedra que tapava a boca do poço.

ba as an tobar sin a thugtaí uisce do na caoirigh. Cloch mhór a ba ea í siúd a bhí ar bhéal an tobair.

[3] Ajuntavam-se ali todos os rebanhos, os pastores removiam a pedra da boca do poço, davam de beber às ovelhas e tornavam a colocá-la no seu devido lugar.

[3]Chruinnítí na tréada go léir ansiúd agus bhaintí an chloch de bhéal an tobair chun deoch a thabhairt do na caoirigh; ansin chuirtí an chloch ar ais ina háit ar bhéal an tobair.

[4] Perguntou-lhes Jacó: Meus irmãos, donde sois? Responderam: Somos de Harã.

[4]Dúirt Iacób leis na haoirí: "A bhráithre, cad as daoibh?" "As Hárán dúinn," ar siad.

[5] Perguntou-lhes: Conheceis a Labão, filho de Naor? Responderam: Conhecemos.

[5]Chuir sé ceist orthu ansin: "An bhfuil aithne agaibh ar Lábán, mac Náchór?" "Tá aithne againn air," ar siad.

[6] Ele está bom? Perguntou ainda Jacó. Responderam: Está bom. Raquel, sua filha, vem vindo aí com as ovelhas.

[6]"An bhfuil an scéal go maith aige?" ar sé leo. "Tá," ar siad, "agus sin í a iníon Ráchael ag teacht leis na caoirigh."

[7] Então, lhes disse: É ainda pleno dia, não é tempo de se recolherem os rebanhos; dai de beber às ovelhas e ide apascentá-las.

[7]Dúirt sé leo: "Tá sé fós ina lá mór maith; níl sé in am na tréada a sheoladh isteach; tugaigí uisce do na caoirigh, agus seolaigí amach chun féaraigh arís iad."

[8] Não o podemos, responderam eles, enquanto não se ajuntarem todos os rebanhos, e seja removida a pedra da boca do poço, e lhes demos de beber.

[8]"Ní féidir dúinn é," ar siad, "go dtí go gcruinnítear na tréada go léir agus go mbaintear an chloch de bhéal an tobair; ansin tabharfaimid deoch do na caoirigh."

[9] Falava-lhes ainda, quando chegou Raquel com as ovelhas de seu pai; porque era pastora.

[9]Le linn dó a bheith ag caint leo, seo chucu Ráchael le caoirigh a hathar, mar is í ba aoire orthu.

[10] Tendo visto Jacó a Raquel, filha de Labão, irmão de sua mãe, e as ovelhas de Labão, chegou-se, removeu a pedra da boca do poço e deu de beber ao rebanho de Labão, irmão de sua mãe.

[10]A luaithe a chonaic Iacób Ráchael iníon Lábán, deartháir a mháthar, agus caoirigh Lábán, deartháir a mháthar, chuaigh sé suas agus bhain an chloch de bhéal an tobair agus thug uisce do thréad Lábán deartháir a mháthar.

[11] Feito isso, Jacó beijou a Raquel e, erguendo a voz, chorou.

[12] Então, contou Jacó a Raquel que ele era parente de seu pai, pois era filho de Rebeca; ela correu e o comunicou a seu pai.

[13] Tendo Labão ouvido as novas de Jacó, filho de sua irmã, correu-lhe ao encontro, abraçou-o, beijou-o e o levou para casa. E contou Jacó a Labão os acontecimentos de sua viagem.

[14] Disse-lhe Labão: De fato, és meu osso e minha carne. E Jacó, pelo espaço de um mês, permaneceu com ele.

[15] Depois, disse Labão a Jacó: Acaso, por seres meu parente, irás servir-me de graça? Dize-me, qual será o teu salário?

[16] Ora, Labão tinha duas filhas: Lia, a mais velha, e Raquel, a mais moça.

[17] Lia tinha os olhos baços, porém Raquel era formosa de porte e de semblante.

[18] Jacó amava a Raquel e disse: Sete anos te servirei por tua filha mais moça, Raquel.

[19] Respondeu Labão: Melhor é que eu ta dê, em vez de dá-la a outro homem; fica, pois, comigo.

[20] Assim, por amor a Raquel, serviu Jacó sete anos; e estes lhe pareceram como poucos dias, pelo muito que a amava.

Lia e Raquel

[11]Ansin phóg Iacób Ráchael agus bhris a ghol air.

[12]D'inis sé do Ráchael gurbh é bráthair a hathar é, agus mac Ribeacá. Rith sí léi á insint sin dá hathair.

[13]Nuair a chuala Lábán an scéala faoi Iacób, mac a dheirféar, rith sé chuige, rug barróg air, phóg go dil díocra é agus thug leis abhaile é. D'inis Iacób dó gach ar tharla.

[14]Dúirt Lábán leis: “Is tú mo chnámh agus m'fheoil féin, is tú sin!” Agus d'fhan sé mí in éineacht leis.

Dhá Phósadh Iacóib

[15]Ansin dúirt Lábán le Iacób: “An amhlaidh a chaithfidh tú fónamh domsa in aisce ós tú mo bhráthair? Inis dom cén tuarastal atá uait.”

[16]Bhí beirt iníon ag Lábán; Léá a ba ainm don té ba shine agus Ráchael a ba ainm don té a ba óige.

[17]Ní raibh aon phreab i súile Léá, ach bhí Ráchael sciamhach dealraitheach,

[18]agus bhí Iacób tite i ngrá le Ráchael. D'fhreagair sé: “Oibreoidh mé duit ar feadh seacht mbliana ar son Ráchael an iníon is óige agat.”

[19]“Is fearr dom í a thabhairt duitse ná do dhuine deoranta,” arsa Lábán. “Fan faram.”

[20]Rinne Iacób seirbhís ar feadh seacht mbliana ar son Ráchael, ach ba gheall le cúpla lá an aimsir sin dar leis le barr a ghrá do Ráchael.

[21] Disse Jacó a Labão: Dá-me minha mulher, pois já venceu o prazo, para que me case com ela.
[22] Reuniu, pois, Labão todos os homens do lugar e deu um banquete.

[23] À noite, conduziu a Lia, sua filha, e a entregou a Jacó. E coabitaram.

[24] (Para serva de Lia, sua filha, deu Labão Zilpa, sua serva.)

[25] Ao amanhecer, viu que era Lia. Por isso, disse Jacó a Labão: Que é isso que me fizeste? Não te servi eu por amor a Raquel? Por que, pois, me enganaste?

[26] Respondeu Labão: Não se faz assim em nossa terra, dar-se a mais nova antes da primogênita.

[27] Decorrida a semana desta, dar-te-emos também a outra, pelo trabalho de mais sete anos que ainda me servirás.

[28] Concordou Jacó, e se passou a semana desta; então, Labão lhe deu por mulher Raquel, sua filha.
[29] (Para serva de Raquel, sua filha, deu Labão a sua serva Bila.)

[30] E coabitaram. Mas Jacó amava mais a Raquel do que a Lia; e continuou servindo a Labão por outros sete anos.

Os filhos de Jacó

[31] Vendo o SENHOR que Lia era desprezada, fê-la fecunda; ao passo que Raquel era estéril.

[21]Ansin dúirt Iacób le Lábán: “Tabhair dom mo bhean, mar tá mo théarma caite anois agus ba mhaith liom luí léi.”
[22]Chruinnigh Lábán muintir na háite go léir le chéile agus bhí fleá mhór acu.
[23]Le titim na hoíche fuair sé a iníon Léá agus thug chun Iacóib í agus luigh seisean léi.
[24](Thug Lábán a dhaoirseach Zilpeá mar ionailt dá iníon Léá.)
[25]Ar maidin, féach, is í Léá a bhí ann. Dúirt Iacób le Lábán: “Céard é seo atá déanta agat orm? Nach ar son Ráchael a rinne mé seirbhís duit? Cén fáth dá bhrí sin gur mheall tú mé?”
[26]D'fhreagair Lábán: “An sóisear a thabhairt le pósadh, roimh an sinsear, sin beart nach gnáth a dhéanamh sa tír seo.
[27]Críochnaigh seachtain seo na bainise, agus tabharfaidh mé duit an ceann eile chomh maith ar son seirbhís a dhéanamh dom ar feadh seacht mbliana eile.”
[28]Rinne Iacób rud air agus chríochnaigh sé an tseachtain agus thug Lábán a iníon Ráchael dó mar bhean.
[29]Thug Lábán a dhaoirseach Bileá mar ionailt dá iníon Ráchael.
[30]Luigh Iacób le Ráchael chomh maith, agus ghráigh sé Ráchael níos mó na Léá. Chaith sé seacht mbliana eile ag déanamh seirbhíse do Lábán.

Clann Iacóib

[31]Chonaic an Tiarna go raibh faillí á déanamh ar Léá, agus d'oscail sé a broinn, ach d'fhan Ráchael aimrid.

[32] Concebeu, pois, Lia e deu à luz um filho, a quem chamou Rúben, pois disse: O SENHOR atendeu à minha aflição. Por isso, agora me amará meu marido.

[32]Ghabh Léá gin agus rug sí mac agus thug sí Reúbaen mar ainm air, "Mar," a dúirt sí, "d'fhéach an Tiarna ar mo léan, agus beidh grá ag m'fhear dom anois."

[33] Concebeu outra vez, e deu à luz um filho, e disse: Soube o SENHOR que era preterida e me deu mais este; chamou-lhe, pois, Simeão.

[33]Agus ghabh sí gin arís agus rug sí mac á rá: "Chuala an Tiarna go raibh faillí á déanamh orm, agus thug sé an mac seo dom chomh maith"; agus thug sí Simeon air.

[34] Outra vez concebeu Lia, e deu à luz um filho, e disse: Agora, desta vez, se unirá mais a mim meu marido, porque lhe dei à luz três filhos; por isso, lhe chamou Levi.

[34]Ghabh sí gin arís agus rug sí mac, á rá: "Ós rud é gur rug mé triúr mac dó, aontófar m'fhear liom an uair seo"; thug sí Léiví dá réir sin mar ainm air.

[35] De novo concebeu e deu à luz um filho; então, disse: Esta vez louvarei o SENHOR. E por isso lhe chamou Judá; e cessou de dar à luz.

[35]Ghabh sí gin arís agus rug sí mac á rá: "An uair seo molfaidh mé an Tiarna." Thug sí Iúdá dá réir sin mar ainm air. Ní raibh a thuilleadh clainne uirthi ansin.

Gênesis 30

Geineasas 30

[1] Vendo Raquel que não dava filhos a Jacó, teve ciúmes de sua irmã e disse a Jacó: Dá-me filhos, senão morrerei.

[1]Nuair a chonaic Ráchael nach raibh aon chlann bronnta aici féin ar Iacób, tháinig éad uirthi lena deirfiúr agus dúirt sí lena fear: "Tabhair clann dom nó gheobhaidh mé bás."

[2] Então, Jacó se irou contra Raquel e disse: Acaso, estou eu em lugar de Deus que ao teu ventre impediu frutificar?

[2]Las Iacób le fearg in aghaidh Ráchael agus dúirt sé: "An bhfuilimse in áit Dé? Eisean a dhiúltaigh toradh ar do bhroinn."

[3] Respondeu ela: Eis aqui Bila, minha serva; coabita com ela, para que dê à luz, e eu traga filhos ao meu colo, por meio dela.

[3]Agus dúirt sise: "Féach m'ionailt Bileá; luigh léise i dtreo go mbéarfaidh sí clann ar mo ghlúine; tríthise beidh clann agamsa mar an gcéanna."

[4] Assim, lhe deu a Bila, sua serva, por mulher; e Jacó a possuiu.

[4]Thug sí a hionailt Bileá dó mar bhean dá bhrí sin, agus luigh Iacób léi.

[5] Bila concebeu e deu à luz um filho a Jacó.

[5]Ghabh Bileá gin agus rug sí mac do Iacób.

[6] Então, disse Raquel: Deus me julgou, e também me ouviu a voz, e me deu um filho; portanto, lhe chamou Dã.

[7] Concebeu outra vez Bila, serva de Raquel, e deu à luz o segundo filho a Jacó.
[8] Disse Raquel: Com grandes lutas tenho competido com minha irmã e logrei prevalecer; chamou-lhe, pois, Naftali.
[9] Vendo Lia que ela mesma cessara de conceber, tomou também a Zilpa, sua serva, e deu-a a Jacó, por mulher.
[10] Zilpa, serva de Lia, deu a Jacó um filho.
[11] Disse Lia: Afortunada! E lhe chamou Gade.
[12] Depois, Zilpa, serva de Lia, deu o segundo filho a Jacó.
[13] Então, disse Lia: É a minha felicidade! Porque as filhas me terão por venturosa; e lhe chamou Aser.

[14] Foi Rúben nos dias da ceifa do trigo, e achou mandrágoras no campo, e trouxe-as a Lia, sua mãe. Então, disse Raquel a Lia: Dá-me das mandrágoras de teu filho.

[15] Respondeu ela: Achas pouco o me teres levado o marido? Tomarás também as mandrágoras de meu filho? Disse Raquel: Ele te possuirá esta noite, a troco das mandrágoras de teu filho.
[16] À tarde, vindo Jacó do campo, saiu-lhe ao encontro Lia e lhe disse: Esta noite me possuirás, pois eu te aluguei pelas mandrágoras de meu filho. E Jacó, naquela noite, coabitou com ela.

[6]Ansin dúirt Ráchael: “Thug Dia breith chóir orm; sea, d'éist sé le mo ghuí agus thug sé mac dom.” Thug sí Dán mar ainm air dá bhrí sin.
[7]Ghabh ionailt Ráchael, Bileá, gin arís agus rug an dara mac do Iacób.
[8]Ansin dúirt Ráchael: “Throid mé troid Dé le mo dheirfiúr agus rug mé bua.” Thug sí Naftáilí mar ainm air dá bhrí sin.
[9]Nuair a chonaic Léá go raibh deireadh aici féin ag breith clainne, fuair sí Zilpeá a hionailt agus thug do Iacób í mar bhean.
[10]Rug Zilpeá ionailt Léá mac do Iacób.
[11]Ansin dúirt Léá: “Cad é mar chonách!” Uime sin thug sí Gád mar ainm air.
[12]Rug Zilpeá ionailt Léá an dara mac do Iacób.
[13]Ansin dúirt Léá: “Cad é mar aoibhneas dom! Déarfaidh na mná gurb aoibhinn dom.” Thug sí Áiséar air dá réir sin.
[14]Ghabh Reúbaen amach le linn fómhar na cruithneachta agus fuair sé mandráic sa ghort agus thug chun a mháthar Léá iad. Dúirt Ráchael le Léá: “Tabhair dom cuid de mhandráic do mhic le do thoil.”
[15]Ach d'fhreagair Léá: “Nach leor leat m'fhear a bhreith leat, a rá is gur mian leat mandráic mo mhic a bhreith leat mar an gcéanna.” “Más ea,” arsa Ráchael, “luífidh sé leat anocht ar son mhandráic do mhic.”
[16]Nuair a d'fhill Iacób ón ngort an oíche sin, chuaigh Léá amach ina choinne á rá: “Caithfidh tú teacht isteach chugamsa mar thug mé mandráic do mhic mar íocaíocht ort.” Luigh sé léi dá bhrí sin an oíche sin.

[17] Ouviu Deus a Lia; ela concebeu e deu à luz o quinto filho.
[18] Então, disse Lia: Deus me recompensou, porque dei a minha serva a meu marido; e chamou-lhe Issacar.
[19] E Lia, tendo concebido outra vez, deu a Jacó o sexto filho.
[20] E disse: Deus me concedeu excelente dote; desta vez permanecerá comigo meu marido, porque lhe dei seis filhos; e lhe chamou Zebulom.
[21] Depois disto, deu à luz uma filha e lhe chamou Diná.

[22] Lembrou-se Deus de Raquel, ouviu-a e a fez fecunda.

[23] Ela concebeu, deu à luz um filho e disse: Deus me tirou o meu vexame.
[24] E lhe chamou José, dizendo: Dê-me o SENHOR ainda outro filho.

[25] Tendo Raquel dado à luz a José, disse Jacó a Labão: Permite-me que eu volte ao meu lugar e à minha terra.

[26] Dá-me meus filhos e as mulheres, pelas quais eu te servi, e partirei; pois tu sabes quanto e de que maneira te servi.

Labão faz novo pacto com Jacó

[27] Labão lhe respondeu: Ache eu mercê diante de ti; fica comigo. Tenho experimentado que o SENHOR me abençoou por amor de ti.
[28] E disse ainda: Fixa o teu salário, que te pagarei.

[17]D'éist Dia le Léá agus ghabh sí gin agus rug sí an cúigiú mac do Iacób.
[18]Dúirt Léá: "Thug Dia mo thuarastal dom mar gur thug mé m'ionailt do m'fhear." Thug sí Íosácár air dá réir sin.
[19]Ghabh Léá gin arís agus rug sí an séú mac do Iacób.
[20]Ansin dúirt Léá: "Bhronn Dia spré mhaith orm. Tabharfaidh m'fhear onóir dom anois mar gur rugas seisear mac dó." Thug sí Zabúlun mar ainm air dá réir sin.
[21]Rug sí iníon ina dhiaidh sin ar a dtug sí Díneá mar ainm.
[22]Chuimhnigh an Tiarna ansin ar Ráchael mar an gcéanna; d'éist sé léi agus d'oscail sé a broinn.
[23]Ghabh sí gin agus rug sí mac agus dúirt: "Rug Dia mo náire chun siúil."
[24]Thug sí Iósaef mar ainm air, á rá: "Go dtuga an Tiarna mac breise dom."

Éiríonn Iacób Saibhir

[25]Nuair a rug Ráchael Iósaef, dúirt Iacób le Lábán: "Scaoil chun siúil mé i dtreo go rachaidh mé chun mo bhaile féin agus mo thíre féin.
[26]Tabhair dom mo mhná a ndearna mé seirbhís duit ar a son, agus mo chlann agus scaoil liom, mar is eol duit an obair a rinne mé duit."

[27]Ach dúirt Lábán leis: "Más ceadmhach dom é a rá! Fuair mé amach ó na tuartha gur bheannaigh an Tiarna mé ar do shon.
[28]Abair cén tuarastal atá uait agus tabharfaidh mé duit é."

[29] Disse-lhe Jacó: Tu sabes como te venho servindo e como cuidei do teu gado.

[30] Porque o pouco que tinhas antes da minha vinda foi aumentado grandemente; e o SENHOR te abençoou por meu trabalho. Agora, pois, quando hei de eu trabalhar também por minha casa?

[31] Então, Labão lhe perguntou: Que te darei? Respondeu Jacó: Nada me darás; tornarei a apascentar e a guardar o teu rebanho, se me fizeres isto:

[32] Passarei hoje por todo o teu rebanho, separando dele os salpicados e malhados, e todos os negros entre os cordeiros, e o que é malhado e salpicado entre as cabras; será isto o meu salário.

[33] Assim, responderá por mim a minha justiça, no dia de amanhã, quando vieres ver o meu salário diante de ti; o que não for salpicado e malhado entre as cabras e negro entre as ovelhas, esse, se for achado comigo, será tido por furtado.

[34] Disse Labão: Pois sim! Seja conforme a tua palavra.

[35] Mas, naquele mesmo dia, separou Labão os bodes listados e malhados e todas as cabras salpicadas e malhadas, todos os que tinham alguma brancura e todos os negros entre os cordeiros; e os passou às mãos de seus filhos.

[29]D'fhreagair seisean é: “Tá a fhios agat féin cén sort seirbhíse a rinne mé duit, agus conas d'éirigh le do stoc faoi mo réirse.

[30]Óir is éachtach mar a mhéadaigh ar an mbeagán a bhí agat nuair a tháinig mise, agus chuir an Tiarna a bheannacht ort cibé treo inar iompaigh mé, ach cathain a dhéanfaidh mé soláthar do mo theaghlach féin chomh maith?”

[31]“Cad a thabharfaidh mé duit?” arsa [Lábán]. “Ní gá duit aon ní a thabhairt dom,” arsa Iacób; “má dhéanann tú mar a mholaim, cothóidh mé do thréad arís duit agus déanfaidh mé iad a aoireacht.

[32]Rachaidh mé trí do thréad go léir inniu. Tóg as gach caora dhubh (nó ballach nó breac) ar na caoirigh agus gach gabhar ballach nó breac ar na gabhair; bíodh an méid sin agam mar thuarastal.

[33]Freagróidh mo mhacántacht ar mo shon ina dhiaidh seo; nuair a thagann tú chun mo thuarastal a iniúchadh, gach gabhar nach bhfuil ballach ná breac agus gach caora nach bhfuil dubh a gheofar ar mo chuidse, tuigtear gur goideadh iad.”

[34]“Tá go maith,” arsa Lábán. “Bíodh mar a deir tú.”

[35]Ach an lá sin féin thug Lábán chun siúil na poic a bhí ballach nó breac, agus na minseacha a bhí ballach nó breac - gach ceann a raibh aon ruainne bán orthu - agus gach caora dhubh; chuir sé faoi chúram a chlann mhac iad,

[36] E pôs a distância de três dias de jornada entre si e Jacó; e Jacó apascentava o restante dos rebanhos de Labão.

Jacó se enriquece

[37] Tomou, então, Jacó varas verdes de álamo, de aveleira e de plátano e lhes removeu a casca, em riscas abertas, deixando aparecer a brancura das varas,

[38] as quais, assim escorchadas, pôs ele em frente do rebanho, nos canais de água e nos bebedouros, aonde os rebanhos vinham para dessedentar-se, e conceberam quando vinham a beber.

[39] E concebia o rebanho diante das varas, e as ovelhas davam crias listadas, salpicadas e malhadas.

[40] Então, separou Jacó os cordeiros e virou o rebanho para o lado dos listados e dos pretos nos rebanhos de Labão; e pôs o seu rebanho à parte e não o juntou com o rebanho de Labão.

[41] E, todas as vezes que concebiam as ovelhas fortes, punha Jacó as varas à vista do rebanho nos canais de água, para que concebessem diante das varas.

[42] Porém, quando o rebanho era fraco, não as punha; assim, as fracas eram de Labão, e as fortes, de Jacó.

[43] E o homem se tornou mais e mais rico; teve muitos rebanhos, e servas, e servos, e camelos, e jumentos.

[36]agus chuir sé aistear trí lá idir é féin agus Iacób; bhí Iacób ag aoireacht na coda eile de thréad Lábán.

[37]Ansin chruinnigh Iacób slata glasa de chrann poibleoige, almóinne, agus plána; scumhaigh sé stríocaí bána orthu agus nocht sé bán na slat.

[38]Chuir sé na slata a scumhaigh sé os comhair na gcaorach sna gáitéirí nó sna humair uisce mar a dtagadh na caoirigh chun uisce a ól. Chúpláladh na tréada nuair a thagaidís chun uisce.

[39]Chúpláladar dá bhrí sin os comhair na slat agus rugadar óga a bhí riabhach, ballach agus breac.

[40]Maidir leis na caoirigh, chuir Iacób i leataobh iad agus thug sé aghaidh na dtréad ar a raibh ballach nó dubh de thréad Lábán; agus chuir sé a thréad féin ar leithrigh agus níor chuir sé le tréad Lábán iad.

[41]Nuair a bhíodh balcairí an tréada ag cúpláil, chuireadh Iacób na slata sna humair mar a bhféadfaidís iad a fheiceáil i dtreo go ndeanfaidís cúpláil os comhair na slat.

[42]Ach nuair is locarthaigh a bhíodh i gceist, ní chuireadh sé ann iad; ar an gcaoi sin fuair Lábán na locarthaigh agus fuair Iacób na balcairí.

[43]D'éirigh Iacób saibhir thar na bearta agus bhí tréada líonmhara, agus daoir agus daoirseacha agus camaill agus asail ina sheilbh aige.

Gênesis 31

Jacó retorna à terra de seus pais

[1] Então, ouvia Jacó os comentários dos filhos de Labão, que diziam: Jacó se apossou de tudo o que era de nosso pai; e do que era de nosso pai juntou ele toda esta riqueza.

[2] Jacó, por sua vez, reparou que o rosto de Labão não lhe era favorável, como anteriormente.

[3] E disse o SENHOR a Jacó: Torna à terra de teus pais e à tua parentela; e eu serei contigo.

[4] Então, Jacó mandou vir Raquel e Lia ao campo, para junto do seu rebanho,

[5] e lhes disse: Vejo que o rosto de vosso pai não me é favorável como anteriormente; porém o Deus de meu pai tem estado comigo.

[6] Vós mesmas sabeis que com todo empenho tenho servido a vosso pai;

[7] mas vosso pai me tem enganado e por dez vezes me mudou o salário; porém Deus não lhe permitiu que me fizesse mal nenhum.

[8] Se ele dizia: Os salpicados serão o teu salário, então, todos os rebanhos davam salpicados; e se dizia: Os listados serão o teu salário, então, os rebanhos todos davam listados.

[9] Assim, Deus tomou o gado de vosso pai e mo deu a mim.

Geineasas 31

Teitheann Iacób

[1]Chuala Iacób go raibh clann mhac Lábán á rá: “Thóg Iacób leis a raibh ag ár n-athair; tá an saibhreas seo cnuasta aige ó mhaoin ár n-athar.”

[2]Chonaic Iacób nach raibh gnaoi Lábán air faoi mar a bhíodh.

[3]Ansin dúirt an Tiarna le Iacób: “Fill ar thír do shinsear agus ar do mhuintir féin agus beidh mise farat.”

[4]Chuir Iacób dá bhrí sin fios ar Ráchael agus ar Léá chun na mbánta mar a raibh a thréada

[5]agus dúirt sé leo: “Is léir dom nach bhfuil gnaoi bhur n-athar orm feasta faoi mar a bhíodh, ach bhí Dia m'athar faram.

[6]Tá a fhios agaibhse go bhfuil seirbhís déanta agam do bhur n-athair le barr mo nirt.

[7]Ach rinne bhur n-athair calaois orm agus d'athraigh mo thuarastal deich n-uaire; ach níor lig Dia dó dochar a déanamh dom.

[8]Cibé uair a deireadh sé: ‘Bíodh na cinn bhreaca agat mar thuarastal, ’ is óga breaca a bheireadh an tréad go léir; agus cibé uair a deireadh sé: ‘Bíodh na cinn bhallacha agat mar thuarastal, ’ is óga ballacha a bheireadh an tréad go léir.

[9]Ar an gcaoi sin bhain Dia a stoc de bhur n-athair agus thug domsa iad.

[10] Pois, chegado o tempo em que o rebanho concebia, levantei os olhos e vi em sonhos que os machos que cobriam as ovelhas eram listados, salpicados e malhados.

[11] E o Anjo de Deus me disse em sonho: Jacó! Eu respondi: Eis-me aqui!

[12] Ele continuou: Levanta agora os olhos e vê que todos os machos que cobrem o rebanho são listados, salpicados e malhados, porque vejo tudo o que Labão te está fazendo.

[13] Eu sou o Deus de Betel, onde ungiste uma coluna, onde me fizeste um voto; levanta-te agora, sai desta terra e volta para a terra de tua parentela.

[14] Então, responderam Raquel e Lia e lhe disseram: Há ainda para nós parte ou herança na casa de nosso pai?

[15] Não nos considera ele como estrangeiras? Pois nos vendeu e consumiu tudo o que nos era devido.

[16] Porque toda a riqueza que Deus tirou de nosso pai é nossa e de nossos filhos; agora, pois, faze tudo o que Deus te disse.

[17] Então, se levantou Jacó e, fazendo montar seus filhos e suas mulheres em camelos,

[18] levou todo o seu gado e todos os seus bens que chegou a possuir; o gado de sua propriedade que acumulara em Padã-Arã, para ir a Isaque, seu pai, à terra de Canaã.

[10]Tharla i séasúr na cúplála gur ardaigh mé mo shúile i dtaibhreamh a bhí á dhéanamh dom agus go bhfaca mé gur fireannaigh bhreaca, bhallacha agus riabhacha a bhí ag reitheadh na mbaineannach.

[11]Ansin dúirt aingeal Dé liom sa taibhreamh: ‘A Iacóib! ’ ‘Anseo dom, ’ arsa mise.

[12]Ansin dúirt sé: ‘Ardaigh do shúile agus féach: na fireannaigh go léir atá ag reitheadh baineannach an tréada, táid ballach, breac, nó riabhach óir chonaic mé a bhfuil á dhéanamh ag Lábán ort.

[13]Mise Dia Bhéitéil, mar ar chuir tú ola ar an ngallán agus mar ar thug tú móid dom. Éirigh anois agus fág an tír seo agus fill ar do thír dhúchais.’ ”

[14]Dúirt Ráchael agus Léá ansin: “An bhfuil aon fháltas nó aon oidhreacht fágtha dúinne i dteach ár n-athar?

[15]Nach meas coimhthíoch atá aige orainn á rá is gur dhíol sé sinn agus gur chaith sé an mhaoin go léir a fuair sé orainn?

[16]An mhaoin go léir a thóg Dia ónár n-athair, is linne í ar ndóigh agus lenár gclann. Déan dá réir sin gach ar ordaigh Dia duit.”

[17]D'éirigh Iacób agus chuir sé a chlann agus a mhná ar muin camall

[18]agus thiomáin sé a airnéis go léir roimhe amach, an mhaoin go léir agus an airnéis úd leis a ghnóthaigh sé i bPadan Arám, agus thug aghaidh ar thír Chanán agus ar a athair Íosác.

[19] Tendo ido Labão fazer a tosquia das ovelhas, Raquel furtou os ídolos do lar que pertenciam a seu pai.

[20] E Jacó logrou a Labão, o arameu, não lhe dando a saber que fugia.

[21] E fugiu com tudo o que lhe pertencia; levantou-se, passou o Eufrates e tomou o rumo da montanha de Gileade.

[22] No terceiro dia, Labão foi avisado de que Jacó ia fugindo.

[23] Tomando, pois, consigo a seus irmãos, saiu-lhe no encalço, por sete dias de jornada, e o alcançou na montanha de Gileade.

Labão segue no encalço de Jacó

[24] De noite, porém, veio Deus a Labão, o arameu, em sonhos, e lhe disse: Guarda-te, não fales a Jacó nem bem nem mal.

[25] Alcançou, pois, Labão a Jacó. Este havia armado a sua tenda naquela montanha; também Labão armou a sua com seus irmãos, na montanha de Gileade.

[26] E disse Labão a Jacó: Que fizeste, que me lograste e levaste minhas filhas como cativas pela espada?

[27] Por que fugiste ocultamente, e me lograste, e nada me fizeste saber, para que eu te despedisse com alegria, e com cânticos, e com tamboril, e com harpa?

[19]Agus Lábán imithe ag bearradh a chuid caorach, ghoid Ráchael íola tí a hathar.

[20]Bhuail Iacób bob ar Lábán an tArámach mar nár thug sé aon leid dó go raibh sé ar tí teitheadh.

[21]Theith sé lena a raibh aige agus d'imigh leis agus ghabh sé thar an Abhainn ag déanamh ar Shliabh Ghileád.

Lábán sa Tóir ar Iacób

[22]Trí lá ina dhiaidh sin insíodh do Lábán gur theith Iacób.

[23]Chuir sé tionól ar a bhráithreacha dá bhrí sin, agus chuaigh sa tóir air ar feadh seacht lá, agus tháinig suas leis ar Shliabh Ghileád.

[24]Ach tháinig an Tiarna i dtaibhreamh oíche chun Lábán an tArámach agus dúirt leis: “Ná habair aon ní ar aon chor ar aon chúinse le Iacób.”

[25]Nuair a tháinig Lábán suas leis bhí a bhoth curtha suas ag Iacób sna sléibhte; agus chuir Lábán agus a bhráithre a mboth suas i Sliabh Ghileád.

[26]“Céard é seo a rinne tú orm,” arsa Lábán le Iacób, “ag déanamh calaoise orm agus ag sciobadh m'iníonacha leat mar chimí claímh?

[27]Cén fáth ar theith tú faoi choim agus calaois a dhéanamh orm agus gan é a rá liom i dtreo go seolfainn uaim thú faoi lúcháir agus faoi chantaireacht, le tiompáin agus le cruiteanna.

28 E por que não me permitiste beijar meus filhos e minhas filhas? Nisso procedeste insensatamente.

28Níor lig tú dom fiú póg a thabhairt do mo mhic agus do m'iníonacha. Ba amaideach an beart uait é.

29 Há poder em minhas mãos para vos fazer mal, mas o Deus de vosso pai me falou, ontem à noite, e disse: Guarda-te, não fales a Jacó nem bem nem mal.

29Tá sé ar mo chumas agam dochar a dhéanamh duit ach dúirt Dia d'athar liom aréir: 'Ná habair aon ní ar aon chúinse le Iacób.'

30 E agora que partiste de vez, porque tens saudade da casa de teu pai, por que me furtaste os meus deuses?

30Fág gur imigh tú le barr síreachta i ndiaidh teach d'athar, cén fáth, ámh, ar ghoid tú mo dhéithe?"

31 Respondeu-lhe Jacó: Porque tive medo; pois calculei: não suceda que me tome à força as suas filhas.

31D'fhreagair Iacób Lábán: "Bhí eagla orm mar gur mheas mé go mbainfeá d'iníonacha díom le láimh láidir.

32 Não viva aquele com quem achares os teus deuses; verifica diante de nossos irmãos o que te pertence e que está comigo e leva-o contigo. Pois Jacó não sabia que Raquel os havia furtado.

32Ach an té a bhfaighfear do dhéithe ina sheilbh, ní mhairfidh sé beo. Iniúch a bhfuil agam i láthair do bhráithre agus tóg aon ní is leat." Ní raibh a fhios ag Iacób gur ghoid Ráchael iad.

33 Labão, pois, entrou na tenda de Jacó, na de Lia e na das duas servas, porém não os achou. Tendo saído da tenda de Lia, entrou na de Raquel.

33Chuaigh Lábán dá bhrí sin isteach i mboth Iacóib agus i mboth Léá agus i mboth an bheirt ionailt, ach ní bhfuair sé iad. Tháinig sé amach as both Léá agus chuaigh sé isteach i mboth Ráchael.

34 Ora, Raquel havia tomado os ídolos do lar, e os pusera na sela de um camelo, e estava assentada sobre eles; apalpou Labão toda a tenda e não os achou.

34Ach bhí na híola tógtha ag Ráchael agus curtha in úim an chamaill agus bhí sí ina suí orthu. D'iniúch Lábán a raibh sa bhoth ach gan aon ní a fháil.

35 Então, disse ela a seu pai: Não te agastes, meu senhor, por não poder eu levantar-me na tua presença; pois me acho com as regras das mulheres. Ele procurou, contudo não achou os ídolos do lar.

35Ansin dúirt [Ráchael] lena hathair: "Ná bíodh fearg ar mo thiarna mar nach dtig liom éirí i do láthair, mar táim dála na mban anois agus arís." Chuardaigh sé dá bhrí sin ach ní bhfuair sé na híola.

36 Então, se irou Jacó e altercou com Labão; e lhe disse: Qual é a minha

36Tháinig fearg ar Iacób ansin agus thug sé scalladh teanga do Lábán: dúirt Iacób le

transgressão? Qual o meu pecado, que tão furiosamente me tens perseguido?

37 Havendo apalpado todos os meus utensílios, que achaste de todos os utensílios de tua casa? Põe-nos aqui diante de meus irmãos e de teus irmãos, para que julguem entre mim e ti.

38 Vinte anos eu estive contigo, as tuas ovelhas e as tuas cabras nunca perderam as crias, e não comi os carneiros de teu rebanho.

39 Nem te apresentei o que era despedaçado pelas feras; sofri o dano; da minha mão o requerias, tanto o furtado de dia como de noite.

40 De maneira que eu andava, de dia consumido pelo calor, de noite, pela geada; e o meu sono me fugia dos olhos.

41 Vinte anos permaneci em tua casa; catorze anos te servi por tuas duas filhas e seis anos por teu rebanho; dez vezes me mudaste o salário.

42 Se não fora o Deus de meu pai, o Deus de Abraão e o Temor de Isaque, por certo me despedirias agora de mãos vazias. Deus me atendeu ao sofrimento e ao trabalho das minhas mãos e te repreendeu ontem à noite.

A aliança entre Labão e Jacó

43 Então, respondeu Labão a Jacó: As filhas são minhas filhas, os filhos são meus filhos, os rebanhos são meus

Lábán: "Cén choir nó cén peaca a rinne mé go bhfuil tú sa tóir orm chomh dian sin?

37Níor fhág tú aon ní de m'aistrithe gan a chuardach; an bhfuair tú aon ní a bhaineann le do theach féin? Cuir anseo é más ea os comhair mo bhráithrese agus do bhráithrese i dtreo go dtabharfaidís breith eadrainn araon.

38Tá fiche bliain caite agam farat; níor chaill do chaoirigh a n-uain ná do ghabhair a meannáin i gcaitheamh an ama sin, ná níor ith mé aon cheann de reithí do thréada.

39Aon chuid de do thréad a ndearna ainmhithe allta ablach díobh, níor thug mé ar ais chugat iad ach a bheith thíos leo mé féin. D'éiligh tú orm iad cibé acu sa lá nó san oíche a rinneadh an slad.

40Shearg an brothall sa lá mé agus chiap an fuacht san oíche mé, agus d'fhág an codladh slán ag mo shúile.

41Tá fiche bliain caite agam i do theach: rinne mé seirbhís duit ar feadh ceithre bliana déag ar son do bheirt iníon, agus sé bliana ar son do thréada, agus d'athraigh tú mo thuarastal deich n-uaire.

42Mura mbeadh Dia m'athar, agus Dia Abrahám, agus Gaol Íosác a bheith ar mo thaobh, bhíos curtha chun siúil beo bocht agat. D'fhéach Dia ar mo thuirse agus ar shaothar mo lámh agus thug sé breith ort aréir."

Conradh idir Iacób agus Lábán

43Ansin d'fhreagair Lábán: "Na hiníonacha seo," ar sé, le Iacób, "is iníonacha liomsa iad; agus an chlann, is clann liomsa iad;

rebanhos, e tudo o que vês é meu; que posso fazer hoje a estas minhas filhas ou aos filhos que elas deram à luz?

agus na tréada, is tréada liomsa iad; agus gach a bhfeiceann tú, is liomsa iad. Ach cad a d'fhéadfainn a dhéanamh inniu le m'iníonacha nó leis an gclann a d'iompar siad?

44 Vem, pois; e façamos aliança, eu e tu, que sirva de testemunho entre mim e ti.

44Téanam anois agus déanaimis conradh, mise agus tusa; agus bíodh sé ina fhinné idir mé agus tú."

45 Então, Jacó tomou uma pedra e a erigiu por coluna.

45Thóg Iacób cloch agus chuir ina seasamh í mar ghallán cuimhneacháin.

46 E disse a seus irmãos: Ajuntai pedras. E tomaram pedras e fizeram um montão, ao lado do qual comeram.

46Dúirt Iacób lena bhráithre: "Cruinnigí clocha," agus chruinníodar roinnt cloch agus rinneadar carn. D'itheadar béile ansiúd ar an gcarn.

47 Chamou-lhe Labão Jegar-Saaduta; Jacó, porém, lhe chamou Galeede.

47Thug Lábán Iagar Sáhadútá (Carn na bhFinnéithe) air ach thug Iacób Galaed (Carn na Fianaise).

48 E disse Labão: Seja hoje este montão por testemunha entre mim e ti; por isso, se lhe chamou Galeede

48Dúirt Lábán: "Bíodh an carn seo ina fhinné idir mé agus tú inniu." Uime sin a thug sé Galaed air,

49 e Mispa, pois disse: Vigie o SENHOR entre mim e ti e nos julgue quando estivermos separados um do outro.

49agus [ar an ngallán] Miozpá (Láthair Faire), mar a dúirt sé: "Bíodh an Tiarna ina fhear faire eadrainn nuair a scarfaimid ó radharc a chéile.

50 Se maltratares as minhas filhas e tomares outras mulheres além delas, não estando ninguém conosco, atenta que Deus é testemunha entre mim e ti.

50Má dhéanann tú leatrom ar m'iníonacha nó má ghlacann tú mná eile seachas m'iníonacha, cuimhnigh air, tá Dia ina fhinné eadrainn, fág nach mbeidh aon duine farainn."

51 Disse mais Labão a Jacó: Eis aqui este montão e esta coluna que levantei entre mim e ti.

51Dúirt Lábán le Iacób: "Sin é an carn agus sin é an gallán a chuir mé eadrainn.

52 Seja o montão testemunha, e seja a coluna testemunha de que para mal não

52Is finné é an carn agus is finné é an gallán, nach rachaidh mise thar an gcarn seo i d'aghaidh-sé agus nach rachaidh tusa

passarei o montão para lá, e tu não passarás o montão e a coluna para cá.

53 O Deus de Abraão e o Deus de Naor, o Deus do pai deles, julgue entre nós. E jurou Jacó pelo Temor de Isaque, seu pai.

54 E ofereceu Jacó um sacrifício na montanha e convidou seus irmãos para comerem pão; comeram pão e passaram a noite na montanha.

55 Tendo-se levantado Labão pela madrugada, beijou seus filhos e suas filhas e os abençoou; e, partindo, voltou para sua casa.

Gênesis 32

1 Também Jacó seguiu o seu caminho, e anjos de Deus lhe saíram a encontrá-lo.

2 Quando os viu, disse: Este é o acampamento de Deus. E chamou àquele lugar Maanaim.

Jacó reconcilia-se com Esaú

3 Então, Jacó enviou mensageiros adiante de si a Esaú, seu irmão, à terra de Seir, território de Edom,

4 e lhes ordenou: Assim falareis a meu senhor Esaú: Teu servo Jacó manda dizer isto: Como peregrino morei com Labão, em cuja companhia fiquei até agora.

5 Tenho bois, jumentos, rebanhos, servos e servas; mando comunicá-lo a meu senhor, para lograr mercê à sua presença.

thar an gcarn seo ná an gallán seo i m'aghaidhse.

53Go raibh Dia Abrahám agus dia Náchór (dia a n-aithreacha) ina bhreitheamh eadrainn.” Ansin mhionnaigh Iacób dar Ghaol a athar Íosác,

54agus d'ofráil Iacób íobairt ar an sliabh agus ghlaoigh ar a bhráithre chun an bhéile. D'itheadar an béile agus chaitheadar an oíche go léir ar an sliabh.

55D'éirigh Lábán go moch ar maidin lá arna mhárach agus thug póg dá gharchlann agus dá iníonacha agus chuir a bheannacht orthu; ansin chuir sé chun bóthair abhaile.

Geineasas 32

Iacób ag Beartú Bualadh le hÉasau

1Agus Iacób ar an tslí ar aghaidh, bhuail aingil ó Dhia leis,

2agus ar a bhfeiceáil do Iacób dúirt sé: “Seo é campa Dé!” agus thug sé Machanáim mar ainm ar an áit.

3Agus sheol Iacób teachtairí roimhe chun a dhearthár Éasau i dtír Shaeír i gcríocha Eadóm,

4á ordú dóibh: “Seo mar a déarfaidh sibh le mo mháistir Éasau: ‘Seo mar a deir Iacób: D'fhan mé ar deoraíocht go dtí seo le Lábán,

5agus tá seilbh faighte agam ar eallach agus asail agus tréada, agus ar dhaoir agus daoirseacha. Tá scéala á chur agam ina thaobh seo go dtí mo mháistir le súil go bhfaighinn fabhar i do radharc.’ ”

[6] Voltaram os mensageiros a Jacó, dizendo: Fomos a teu irmão Esaú; também ele vem de caminho para se encontrar contigo, e quatrocentos homens com ele.

[6]D'fhill na teachtairí ar Iacób á rá: “Chuamar go dtí do dheartháir Éasau, agus tá sé ar an mbealach chugat cheana féin agus ceithre chéad fear leis.”

[7] Então, Jacó teve medo e se perturbou; dividiu em dois bandos o povo que com ele estava, e os rebanhos, e os bois, e os camelos.

[7]Bhuail eagla agus corrabhuais mhór Iacób agus roinn sé an mhuintir a bhí fairis agus a thréada agus a tháinte agus a chamaill ina dhá mbaicle

[8] Pois disse: Se vier Esaú a um bando e o ferir, o outro bando escapará.

[8]á rá: “Má thagann Éasau ar bhaicle acu agus iad a scrios, tiocfaidh an bhaicle eile, a fhágfar, slán.”

[9] E orou Jacó: Deus de meu pai Abraão e Deus de meu pai Isaque, ó SENHOR, que me disseste: Torna à tua terra e à tua parentela, e te farei bem;

[9]Dúirt Iacób: “A Dhia m'athar Abrahám, agus a Dhia m'athar Íosác, a Thiarna a dúirt liom: ‘Fill ar do thír féin agus ar do ghaolta, agus cuirfidh mé conách ort, ’

[10] sou indigno de todas as misericórdias e de toda a fidelidade que tens usado para com teu servo; pois com apenas o meu cajado atravessei este Jordão; já agora sou dois bandos.

[10]ní fiú mé aon phioc den chineáltas buan ná den dílseacht a thaispeáin tú do do shearbhónta. Óir ní raibh agamsa ach mo bhata nuair a ghabh mé thar an Iordáin anseo, agus anois is líon dhá bhaicle mé.

[11] Livra-me das mãos de meu irmão Esaú, porque eu o temo, para que não venha ele matar-me e as mães com os filhos.

[11]Saor mé, impím ort, ó láimh mo dhearthár, ó láimh Éasau, mar is eagal liom é; is baol go n-ionsóidh sé sinn agus sinn go léir a dhíothú, na leanaí agus a máithreacha chomh maith.

[12] E disseste: Certamente eu te farei bem e dar-te-ei a descendência como a areia do mar, que, pela multidão, não se pode contar.

[12]Gheall tú féin dom: ‘Cuirfidh mé bail ort agus déanfaidh mé do shliocht chomh líonmhar le gaineamh na trá nach féidir a áireamh ar a líonmhaire.’ ”

[13] E, tendo passado ali aquela noite, separou do que tinha um presente para seu irmão Esaú:

[13]Ansin d'fhan Iacób thar oíche san áit sin agus roghnaigh sé bronntanas dá dheartháir as a raibh aige -

[14] duzentas cabras e vinte bodes; duzentas ovelhas e vinte carneiros;

[14]dhá chéad minseach agus fiche pocán, dhá chéad caora agus fiche reithe,

[15] trinta camelas de leite com suas crias, quarenta vacas e dez touros; vinte jumentas e dez jumentinhos.

[15]tríocha camall bleacht agus a mbromaigh, daichead bó agus deich dtarbh, fiche asal baineann agus deich stail.

[16] Entregou-os às mãos dos seus servos, cada rebanho à parte, e disse aos servos: Passai adiante de mim e deixai espaço entre rebanho e rebanho.

[16]Chuir sé a shearbhóntaí ina bhfeighil, gach tréad leis féin, agus dúirt sé lena shearbhóntaí: “Gabhaigí ar aghaidh romham agus fágaigí slí idir gach tréad agus an ceann ina dhiaidh.”

[17] Ordenou ao primeiro, dizendo: Quando Esaú, meu irmão, te encontrar e te perguntar: De quem és, para onde vais, de quem são estes diante de ti?

[17]Thug sé ordú don chéad duine: “Nuair a bhuailfidh mo dheartháir Éasau leat agus go bhfiafróidh sé: ‘Cé leis tú? Cá bhfuil do thriall? Cé leis an táin seo romhat? ’

[18] Responderás: São de teu servo Jacó; é presente que ele envia a meu senhor Esaú; e eis que ele mesmo vem vindo atrás de nós.

[18]is é freagra a thabharfaidh tú: ‘Le do shearbhónta Iacób. Is bronntanas iad seo a seoladh chun mo thiarna Éasau. Tá Iacób féin ag teacht inár ndiaidh.’ ”

[19] Ordenou também ao segundo, ao terceiro e a todos os que vinham conduzindo os rebanhos: Falareis desta maneira a Esaú, quando vos encontrardes com ele.

[19]Thug sé an t-ordú céanna don dara duine agus don tríú agus do chách a bhí i ndiaidh na dtréad: “Sin é atá le rá agaibh nuair a chasfar Éasau oraibh,” ar sé.

[20] Direis assim: Eis que o teu servo Jacó vem vindo atrás de nós. Porque dizia consigo mesmo: Eu o aplacarei com o presente que me antecede, depois o verei; porventura me aceitará a presença.

[20]“Agus abraigí: ‘Tá do shearbhónta Iacób féin ag teacht inár ndiaidh chomh maith.’ ” Óir a dúirt sé leis féin: “Déanfaidh mé muintearas leis trí bhronntanas a chur chuige roimh ré; nuair a bhuailfidh mé leis béal ar bhéal, b'fhéidir go nglacfaidh sé liom le fabhar.”

[21] Assim, passou o presente para diante dele; ele, porém, ficou aquela noite no acampamento.

[21]Ghabh an bronntanas ar aghaidh roimhe dá bhrí sin, agus d'fhan sé féin sa champa an oíche sin.

Jacó luta com Deus e transpõe o vau de Jaboque

[22] Levantou-se naquela mesma noite, tomou suas duas mulheres, suas duas

Iacób ag Iomrascáil le Dia

[22]D'éirigh Iacób an oíche sin féin agus thug leis a bheirt bhan, a bheirt ionailt, a leanbh is deichniúr agus ghabh thar áth an Iaboc.

servas e seus onze filhos e transpôs o vau de Jaboque.

[23] Tomou-os e fê-los passar o ribeiro; fez passar tudo o que lhe pertencia,

[24] ficando ele só; e lutava com ele um homem, até ao romper do dia.

[25] Vendo este que não podia com ele, tocou-lhe na articulação da coxa; deslocou-se a junta da coxa de Jacó, na luta com o homem.

[26] Disse este: Deixa-me ir, pois já rompeu o dia. Respondeu Jacó: Não te deixarei ir se me não abençoares.

[27] Perguntou-lhe, pois: Como te chamas? Ele respondeu: Jacó.

[28] Então, disse: Já não te chamarás Jacó, e sim Israel, pois como príncipe lutaste com Deus e com os homens e prevaleceste.

[29] Tornou Jacó: Dize, rogo-te, como te chamas? Respondeu ele: Por que perguntas pelo meu nome? E o abençoou ali.

[30] Àquele lugar chamou Jacó Peniel, pois disse: Vi a Deus face a face, e a minha vida foi salva.

[31] Nasceu-lhe o sol, quando ele atravessava Peniel; e manquejava de uma coxa.

[32] Por isso, os filhos de Israel não comem, até hoje, o nervo do quadril, na articulação da coxa, porque o homem

[23]Rug sé orthu agus sheol sé thar abhainn anonn iad agus sheol sé a mhaoin go léir anonn chomh maith.

[24]Agus fágadh Iacób ina aonar; agus bhí fear ag iomrascáil leis go breacadh an lae.

[25]Nuair a chonaic an fear go raibh ag dul de é a chloí, bhuail sé buille ar Iacób i log a chromáin agus cuireadh cromán Iacób as alt san iomrascáil leis.

[26]“Scaoil liom,” ar sé, “mar tá an lá ag breacadh.” “Ní scaoilfidh mé,” arsa Iacób á fhreagairt, “mura gcuirfidh tú do bheannacht orm.”

[27]D'fhiafraigh sé ansin: “Cad is ainm duit?” “Iacób,” ar sé.

[28]“Ní Iacób a bheidh ort feasta,” ar sé, “ach Iosrael, óir mar a bhí tú tréan in aghaidh Dé, beidh an lámh láidir agat ar dhaoine.”

[29]Chuir Iacób ceist air ansin: “Inis dom, le do thoil, cad is ainm duit.” Ach dúirt seisean: “Cén fáth m'ainm a fhiafraí díom?” Agus thug sé a bheannacht dó ansin.

[30]Thug Iacób dá bhrí sin Panúéil ar an áit, “mar,” ar sé, “chonaic mé Dia gnúis le gnúis agus mairim beo.”

[31]D'éirigh an ghrian air agus é ag dul thar Panúéil agus coiscéim bhacaí ann de bharr a chromáin.

[32]Uime sin go dtí an lá inniu féin ní itheann na hIosraelaigh féithleog an chromáin atá i log na ceathrún mar gur bhuail sé buille

tocou a articulação da coxa de Jacó no nervo do quadril.

ar Iacób i log a cheathrún i bhfeithleog an chromáin.

Gênesis 33

O encontro de Esaú e Jacó

[1] Levantando Jacó os olhos, viu que Esaú se aproximava, e com ele quatrocentos homens. Então, passou os filhos a Lia, a Raquel e às duas servas.

[2] Pôs as servas e seus filhos à frente, Lia e seus filhos atrás deles e Raquel e José por últimos.

[3] E ele mesmo, adiantando-se, prostrou-se à terra sete vezes, até aproximar-se de seu irmão.

[4] Então, Esaú correu-lhe ao encontro e o abraçou; arrojou-se-lhe ao pescoço e o beijou; e choraram.

[5] Daí, levantando os olhos, viu as mulheres e os meninos e disse: Quem são estes contigo? Respondeu-lhe Jacó: Os filhos com que Deus agraciou a teu servo.

[6] Então, se aproximaram as servas, elas e seus filhos, e se prostraram.

[7] Chegaram também Lia e seus filhos e se prostraram; por último chegaram José e Raquel e se prostraram.

[8] Perguntou Esaú: Qual é o teu propósito com todos esses bandos que encontrei? Respondeu Jacó: Para lograr mercê na presença de meu senhor.

[9] Então, disse Esaú: Eu tenho muitos bens, meu irmão; guarda o que tens.

Geineasas 33

Buaileann Iacób le hÉasau

[1]D'ardaigh Iacób a shúile agus d'fhéach uaidh agus seo Éasau chuige le ceithre chéad fear. Scaip sé na leanaí ar Léá, ar Ráchael agus ar an mbeirt ionailt.

[2]Chuir sé an bheirt ionailt agus a leanaí ar tosach, agus Léá agus a leanaí ina ndiaidh, agus Ráchael agus Iósaef ar deireadh.

[3]Ghabh sé féin rompu amach agus shléacht sé go talamh seacht n-uaire sular tháinig sé i láthair a dhearthár.

[4]Ach rith Éasau ina choinne, theann lena ucht é, chaith é féin ar a mhuineál, phóg é agus na deora leis.

[5]Ar ardú a shúl do Éasau, chonaic sé na mná agus na miondaoine. “Cé hiad seo i do theannta?” ar sé. “An chlann a bhronn Dia ar do shearbhónta,” arsa Iacób.

[6]Ansin tháinig na hionailtí agus a gclann i láthair agus shléachtadar.

[7]Ansin tháinig Léá i láthair mar an gcéanna lena clann agus shléachtadar go léir. Ar deireadh tháinig Iósaef agus Ráchael i láthair agus shléachtadar.

[8]Dúirt Éasau: “Cén chiall atá agat leis na sluaite go léir a casadh orm?” “Chun dea-mhéin a thuilleamh i láthair mo mháistir, iadsan,” a fhreagair Iacób.

[9]“Ach, a bhráthair,” arsa Éasau, “tá mo dhóthain agamsa. Coinnigh duit féin a bhfuil agat.”

[10] Mas Jacó insistiu: Não recuses; se logrei mercê diante de ti, peço-te que aceites o meu presente, porquanto vi o teu rosto como se tivesse contemplado o semblante de Deus; e te agradaste de mim.

[11] Peço-te, pois, recebe o meu presente, que eu te trouxe; porque Deus tem sido generoso para comigo, e tenho fartura. E instou com ele, até que o aceitou.

[12] Disse Esaú: Partamos e caminhemos; eu seguirei junto de ti.

[13] Porém Jacó lhe disse: Meu senhor sabe que estes meninos são tenros, e tenho comigo ovelhas e vacas de leite; se forçadas a caminhar demais um só dia, morrerão todos os rebanhos.

[14] Passe meu senhor adiante de seu servo; eu seguirei guiando-as pouco a pouco, no passo do gado que me vai à frente e no passo dos meninos, até chegar a meu senhor, em Seir.

[15] Respondeu Esaú: Então, permite que eu deixe contigo da gente que está comigo. Disse Jacó: Para quê? Basta que eu alcance mercê aos olhos de meu senhor.

[16] Assim, voltou Esaú aquele dia a Seir, pelo caminho por onde viera.

[17] E Jacó partiu para Sucote, e edificou para si uma casa, e fez palhoças para o

[10]“Cuir uait,” arsa Iacób, “má tá fabhar faighte agam i do láthair, glac leis an mbronntanas seo ó mo láimh. Óir, de dhéantús na fírinne, tháinig mé i radharc do ghnúise amhail is dá mba i ngnúis Dé, ach ghlac tú chugat mé le dea-mhéin.

[11]Glac leis an mbronntanas a thug mé chugat dá bhrí sin; bhí Dia fial liom agus tá mo dhóthain agam.” D'áitigh sé air sa tslí sin agus ghlac sé leis.

[12]“Cuirimis chun siúil agus ar aghaidh linn,” arsa Éasau ansin, “agus treoróidh mé thú.”

[13]Ach arsa Iacób leis: “Tá a fhios ag mo mháistir go bhfuil na leanaí leice agus nach mór dom a bheith cáiréiseach leis na tréada agus leis na táinte nuabheirthe. Má thiomáintear ró-dhian iad ar feadh oiread agus lá, gheobhaidh an stoc go léir bás.

[14]Imíodh mo mháistir ar aghaidh, lena thoil, roimh a shearbhónta, agus leanfaidh mé é go mall réidh, de réir mar a oireann don stoc atá á dtiomáint agam agus do na leanaí, go dtí go dtiocfaidh mé suas le mo mháistir i Saeír.”

[15]Ansin dúirt Éasau: “Lig dom cuid den mhuintir atá i mo theannta a fhágáil farat.” D'fhreagair seisean: “Cén gá atá leis sin? Níl uaim ach do dhea-mhéin a thuilleamh, a mháistir.”

[16]Lean Éasau ar aghaidh dá bhrí sin an lá sin ar an mbealach go dtí Saeír.

[17]Agus shroich Iacób Sucót agus thóg teach dó féin agus rinne sé scáileáin dá airneis;

seu gado; por isso, o lugar se chamou Sucote.

uime sin a fuair an áit an t-ainm Sucót (Scáileáin).

Jacó chega a Siquém

[18] Voltando de Padã-Arã, chegou Jacó são e salvo à cidade de Siquém, que está na terra de Canaã; e armou a sua tenda junto da cidade.

[19] A parte do campo, onde armara a sua tenda, ele a comprou dos filhos de Hamor, pai de Siquém, por cem peças de dinheiro.

[20] E levantou ali um altar e lhe chamou Deus, o Deus de Israel.

Iacób i Seicim

[18]Tháinig Iacób slán folláin go cathair Sheicim i dtír Chanán ar theacht dó as Padan Arám, agus shuigh sé a champa os comhair na cathrach.

[19]Agus an láthair ar ar chuir sé suas a bhoth cheannaigh sé í ar chéad bonn airgid ó chlann Hamór, athair Sheicim.

[20]Thóg sé altóir ansiúd ar ar thug sé "Éil, Dia Iosrael".

Gênesis 34

Diná e os siquemitas

[1] Ora, Diná, filha que Lia dera à luz a Jacó, saiu para ver as filhas da terra.

[2] Viu-a Siquém, filho do heveu Hamor, que era príncipe daquela terra, e, tomando-a, a possuiu e assim a humilhou.

[3] Sua alma se apegou a Diná, filha de Jacó, e amou a jovem, e falou-lhe ao coração.

[4] Então, disse Siquém a Hamor, seu pai: Consegue-me esta jovem para esposa.

[5] Quando soube Jacó que Diná, sua filha, fora violada por Siquém, estavam os seus filhos no campo com o gado; calou-se, pois, até que voltassem.

[6] E saiu Hamor, pai de Siquém, para falar com Jacó.

[7] Vindo os filhos de Jacó do campo e ouvindo o que acontecera, indignaram-se

Geineasas 34

[1]Díneá, an iníon a rug Léá do Iacób, ghabh sí amach ar thuairisc mhná na dúiche sin.

[2]Leag Seicim, mac Hamór, an Hiveach, taoiseach na dúiche sin, súil uirthi, d'fuadaigh í agus d'éignigh í, agus choill a clú.

[3]Ach líon a anam de shearcghrá do Dhíneá, iníon Iacóib, thit sé i ngrá leis an ógbhean agus labhair léi go cineálta.

[16] Vendo o padeiro-chefe que a interpretação era boa, disse a José: Eu também sonhei, e eis que três cestos de pão alvo me estavam sobre a cabeça;

[17] e no cesto mais alto havia de todos os manjares de Faraó, arte de padeiro; e as aves os comiam do cesto na minha cabeça.
[18] Então, lhe disse José: A interpretação é esta: os três cestos são três dias;

[19] dentro ainda de três dias, Faraó te tirará fora a cabeça e te pendurará num madeiro, e as aves te comerão as carnes.

[11]Bhí corn Fhorainn i mo láimh. Stoith mé na fíniúna agus d'fháisc mé an súlach astu isteach i gcorn Fhorainn."
[12]Ansin dúirt Iósaef leis: "Seo an chiall atá leis: Trí lá na trí géaga.
[13]Faoi chionn trí lá, scaoilfidh Forann saor thú agus cuirfidh sé ar ais i do phost thú; agus sínfidh tú a chorn chun Fhorainn mar a dhéantá cheana agus tú i do chornaire aige.
[14]Ach cuimhnigh ormsa nuair a bheidh an scéal go maith agat agus cuir de chomaoin orm le do thoil, mé a lua le Forann d'fhonn mé a scaoileadh amach as an teach seo.
[15]Óir fuadaíodh mé an chéad lá ó thír na nEabhrach, agus ní dhearna mé aon ní as an tslí anseo ach chomh beag a thuillfeadh carcair dom."

[16]Nuair a chonaic an príomhbháicéir a fhabhraí a bhí an chiall úd, dúirt sé le Iósaef: "Bhí taibhreamh agamsa mar an gceanna: bhí trí ciseáin aráin ar mo cheann;
[17]sa chiseán uachtair bhí gach sórt sólaist bruite a thaitin le Forann, ach bhí éanlaith an aeir á n-alpadh as an gciseán a bhí ar mo cheann."
[18]D'fhreagair Iósaef: "Is é seo an chiall atá leis: Trí lá na trí ciseáin.
[19]Faoi chionn trí lá tabharfaidh Forann cead do chinn gan cheann duit, agus crochfaidh sé ar chrann thú agus íosfaidh an éanlaith do chuid feola de do chnámha."

[20] No terceiro dia, que era aniversário de nascimento de Faraó, deu este um banquete a todos os seus servos; e, no meio destes, reabilitou o copeiro-chefe e condenou o padeiro-chefe.

[21] Ao copeiro-chefe reintegrou no seu cargo, no qual dava o copo na mão de Faraó;

[22] mas ao padeiro-chefe enforcou, como José havia interpretado.

[23] O copeiro-chefe, todavia, não se lembrou de José, porém dele se esqueceu.

[20]Ar an tríú lá, ar a lá breithe, rinne Forann féasta dá shearbhóntaí go léir, agus thug sé cead a gcinn don phríomhchornaire agus don phríomhbhháicéir i láthair na bhfeidhmeannach.

[21]Chuir sé an cornaire ar ais ina phost mar chornaire, chun a chorn a shíneadh chun Fhorainn;

[22]chroch sé an príomhbhháicéir. Sin mar a bhí mínithe ag Iósaef dóibh.

[23]Ach an príomhchornaire, níor chuimhnigh sé ar Iósaef, ach rinne dearmad air.

Gênesis 41

José interpreta os sonhos de Faraó

[1] Passados dois anos completos, Faraó teve um sonho. Parecia-lhe achar-se ele de pé junto ao Nilo.

[2] Do rio subiam sete vacas formosas à vista e gordas e pastavam no carriçal.

[3] Após elas subiam do rio outras sete vacas, feias à vista e magras; e pararam junto às primeiras, na margem do rio.

[4] As vacas feias à vista e magras comiam as sete formosas à vista e gordas. Então, acordou Faraó.

[5] Tornando a dormir, sonhou outra vez. De uma só haste saíam sete espigas cheias e boas.

Geineasas 41

Taibhrimh Fhorainn

[1]Dhá bhliain shlána ina dhiaidh sin, rinneadh taibhreamh d'Fhorann. Bhí sé ina sheasamh ag an Níl.

[2]Seo aníos chuige ón Níl seacht mba slíoctha méithe, agus chromadar ar iníor i measc na luachra.

[3]Agus seo seacht mba eile gránna loma aníos ón Níl ina ndiaidh; ghabhadar sall agus sheasadar taobh leis na ba eile ar bhruach na Níle.

[4]D'ith na ba gránna loma na seacht mba slíoctha méithe. Dhúisigh Forann ansin.

[5]Thit a chodladh air arís agus rinneadh taibhreamh eile dó: Seo seacht ndiasa arbhair ag fás ar an aon ghas amháin agus gach dias díobh faoi bharr blátha agus toraidh.

[6] E após elas nasciam sete espigas mirradas, crestadas do vento oriental.

[7] As espigas mirradas devoravam as sete espigas grandes e cheias. Então, acordou Faraó. Fora isto um sonho.

[8] De manhã, achando-se ele de espírito perturbado, mandou chamar todos os magos do Egito e todos os seus sábios e lhes contou os sonhos; mas ninguém havia que lhos interpretasse.

[9] Então, disse a Faraó o copeiro-chefe: Lembro-me hoje das minhas ofensas.

[10] Estando Faraó mui indignado contra os seus servos e pondo-me sob prisão na casa do comandante da guarda, a mim e ao padeiro-chefe,

[11] tivemos um sonho na mesma noite, eu e ele; sonhamos, e cada sonho com a sua própria significação.

[12] Achava-se conosco um jovem hebreu, servo do comandante da guarda; contamos-lhe os nossos sonhos, e ele no-los interpretou, a cada um segundo o seu sonho.

[13] E como nos interpretou, assim mesmo se deu: eu fui restituído ao meu cargo, o outro foi enforcado.

[14] Então, Faraó mandou chamar a José, e o fizeram sair à pressa da masmorra; ele se barbeou, mudou de roupa e foi apresentar-se a Faraó.

[6]Agus seo aníos ina ndiaidh seacht ndiasa caola seargtha loiscthe ag an ngaoth anoir agus

[7]shlugadar na seacht ndiasa a bhí faoi bharr blátha agus toraidh. Dhúisigh Forann; taibhreamh a bhí aige.

[8]Bhí buairt ar Fhorann ar maidin agus chuir sé fios ar lucht asarlaíochta agus feasa uile na hÉigipte; d'inis Forann a thaibhreamh dóibh, ach ní raibh aon duine a d'fhéadfadh é a mhiniú d'Fhorann.

[9]Ansin labhair an príomhchornaire le Forann: “Ní foláir dom mo chionta a thabhairt chun cuimhne inniu.

[10]Bhí fearg ar Fhorann lena shearbhóntaí agus chuir sé mise agus an príomhbháicéir i ngéibheann i dteach chaptaen an gharda.

[11]Rinneadh taibhreamh an oíche chéanna dúinn araon, domsa agus dósan, agus bhí a chiall féin do gach duine ina thaibhreamh féin.

[12]Bhí Eabhrach óg inár bhfochair, daor le captaen an gharda. D'insíomar ár dtaibhrimh dó agus mhínigh sé ár dtaibhrimh dúinn, agus d'inis sé do gach duine againn ciall a thaibhrimh féin.

[13]Tharla dúinn díreach de réir an mhínithe a thug sé dúinn; cuireadh mise ar ais i mo phost, ach crochadh an fear eile.”

[14]Chuir Forann fios ar Iósaef ansin agus thugadar leo láithreach bonn as an gcarcair é. Bhearr sé é féin, chuir malairt éadaigh air féin agus tháinig i láthair Fhorainn.

[15] Este lhe disse: Tive um sonho, e não há quem o interprete. Ouvi dizer, porém, a teu respeito que, quando ouves um sonho, podes interpretá-lo.

[15]Dúirt Forann le Iósaef: “Rinneadh taibhreamh dom, agus níl aon duine a d'fhéadfadh é a mhíniú; ach tá sé cloiste agam fútsa, nuair a insítear taibhreamh duit, gur féidir duit é a mhíniú.”

[16] Respondeu-lhe José: Não está isso em mim; mas Deus dará resposta favorável a Faraó.

[16]D'fhreagair Iósaef Forann: “Níl sin ionam. Is é Dia a thabharfaidh freagra fabhrach ar Fhorann.”

[17] Então, contou Faraó a José: No meu sonho, estava eu de pé na margem do Nilo,

[17]Dúirt Forann le Iósaef dá bhrí sin: “Sa taibhreamh dom, seo mé i mo sheasamh ar bhruach na Níle.

[18] e eis que subiam dele sete vacas gordas e formosas à vista e pastavam no carriçal.

[18]Seo aníos as an Níl seacht gcinn de bha slíoctha méithe agus chromadar ar iníor i measc na luachra.

[19] Após estas subiam outras vacas, fracas, mui feias à vista e magras; nunca vi outras assim disformes, em toda a terra do Egito.

[19]Seo seacht mba eile aníos ina ndiaidh, truáin loma ghránna, nach bhfaca a leithéid riamh i dtalamh na hÉigipte ar fad.

[20] E as vacas magras e ruins comiam as primeiras sete gordas;

[20]Agus d'alp na ba loma gránna na seacht mba slíoctha méithe.

[21] e, depois de as terem engolido, não davam aparência de as terem devorado, pois o seu aspecto continuava ruim como no princípio. Então, acordei.

[21]Ach nuair a bhíodar ite acu, níorbh fhéidir le haon duine a rá go rabhadar ite acu, mar bhíodar fós chomh lom is a bhíodar riamh. Ansin dhúisigh mé.

[22] Depois, vi, em meu sonho, que sete espigas saíam da mesma haste, cheias e boas;

[22]Rinneadh taibhreamh eile dom: Seo seacht ndiasa arbhair ag fás ar an aon ghas amháin, agus iad faoi bhláth toraidh

[23] após elas nasceram sete espigas secas, mirradas e crestadas do vento oriental.

[23]ach seo aníos ina ndiaidh seacht ndiasa caola seargtha, loiscthe ag an ngaoth anoir.

[24] As sete espigas mirradas devoravam as sete espigas boas. Contei-o aos magos, mas ninguém houve que mo interpretasse.

[24]Shlug na seacht ndiasa seargtha na seacht ndiasa fónta. D'inis mé an taibhreamh do lucht na hasarlaíochta ach ní raibh fear a mhínithe dom ina measc.”

[25] Então, lhe respondeu José: O sonho de Faraó é apenas um; Deus manifestou a Faraó o que há de fazer.

[25]Dúirt Iósaef le Forann: “Is mar a chéile iad taibhrimh Fhorainn. D'fhoilsigh Dia d'Fhorann céard atá sé ar tí a dhéanamh.

[26] As sete vacas boas serão sete anos; as sete espigas boas, também sete anos; o sonho é um só.

[27] As sete vacas magras e feias, que subiam após as primeiras, serão sete anos, bem como as sete espigas mirradas e crestadas do vento oriental serão sete anos de fome.

[28] Esta é a palavra, como acabo de dizer a Faraó, que Deus manifestou a Faraó que ele há de fazer.

[29] Eis aí vêm sete anos de grande abundância por toda a terra do Egito.

[30] Seguir-se-ão sete anos de fome, e toda aquela abundância será esquecida na terra do Egito, e a fome consumirá a terra;

[31] e não será lembrada a abundância na terra, em vista da fome que seguirá, porque será gravíssima.

[32] O sonho de Faraó foi dúplice, porque a coisa é estabelecida por Deus, e Deus se apressa a fazê-la.

[33] Agora, pois, escolha Faraó um homem ajuizado e sábio e o ponha sobre a terra do Egito.

[34] Faça isso Faraó, e ponha administradores sobre a terra, e tome a quinta parte dos frutos da terra do Egito nos sete anos de fartura.

[35] Ajuntem os administradores toda a colheita dos bons anos que virão,

[26]Seacht mbliana na seacht mba breátha, agus seacht mbliana na seacht ndiasa fónta; an taibhreamh céanna ceannann atá i gceist.

[27]Na seacht mba truánacha loma a tháinig aníos ina ndiaidh, seacht mbliana iadsan dála na seacht ndiasa arbhair seargtha loiscthe ag an ngaoth anoir; beidh seacht mbliana gorta ann.

[28]Tá an cás mar a dúirt mé le Forann; thaispeáin Dia d'Fhorann céard atá sé ar tí a dhéanamh.

[29]Tiocfaidh seacht mbliana mórfhlúirse ar fud críocha na hÉigipte go léir.

[30]Ach tiocfaidh seacht mbliana gorta ina ndiaidh agus ní bheidh cuimhne ar an bhflúirse go léir i gcríocha na hÉigipte; creimfidh an gorta an tír.

[31]Beidh an gorta úd a leanfaidh chomh dian sin ar fad nach mbeidh cuimhne ag aon duine ar an bhflúirse a bhí sa tír.

[32]Is é cúis gur tháinig an taibhreamh faoi dhó go Forann mar go bhfuil an cúrsa cinnte cheana féin ag Dia, agus tá an-fhonn ar Dhia é a chur i gcrích.

[33]Ba chóir d'Fhorann duine críonna ciallmhar a thoghadh agus a chur i bhfeighil thír na hÉigipte.

[34]Cuireadh Forann chuige dá bhrí sin agus ceapadh sé feidhmeannaigh os cionn na tíre agus gearradh sé cáin den chúigiú cuid ar thír na hÉigipte le linn seacht mbliana na flúirse.

[35]Déanaidís bia go léir na mblianta maithe le teacht a chruinniú agus an t-arbhar a

recolham cereal debaixo do poder de Faraó, para mantimento nas cidades, e o guardem.

[36] Assim, o mantimento será para abastecer a terra nos sete anos da fome que haverá no Egito; para que a terra não pereça de fome.

José como governador do Egito

[37] O conselho foi agradável a Faraó e a todos os seus oficiais.

[38] Disse Faraó aos seus oficiais: Acharíamos, porventura, homem como este, em quem há o Espírito de Deus?

[39] Depois, disse Faraó a José: Visto que Deus te fez saber tudo isto, ninguém há tão ajuizado e sábio como tu.

[40] Administrarás a minha casa, e à tua palavra obedecerá todo o meu povo; somente no trono eu serei maior do que tu.

[41] Disse mais Faraó a José: Vês que te faço autoridade sobre toda a terra do Egito.

[42] Então, tirou Faraó o seu anel de sinete da mão e o pôs na mão de José, fê-lo vestir roupas de linho fino e lhe pôs ao pescoço um colar de ouro.

[43] E fê-lo subir ao seu segundo carro, e clamavam diante dele: Inclinai-vos! Desse modo, o constituiu sobre toda a terra do Egito.

[44] Disse ainda Faraó a José: Eu sou Faraó, contudo sem a tua ordem ninguém levantará mão ou pé em toda a terra do Egito.

chur i dtaisce in ainm Fhorainn mar bhia sna cathracha, agus coinnídís é.

[36]Beidh an bia sin mar chúl taca ag an tír i gcaitheamh na seacht mbliana gorta atá le luí ar thalamh na hÉigipte. Ní mhillfear ar an gcuma sin an tír de dheasca an ghorta."

Iósaef faoi Onóir

[37]D'aontaigh Forann agus a fheidhmeannaigh go léir lena ndúirt sé.

[38]Ansin dúirt Forann lena fheidhmeannaigh: "Cá bhfaighimis fear mar é seo a bhfuil spiorad Dé ann?"

[39]Agus dúirt Forann le Iósaef: "Os rud é gur fhoilsigh Dia duit gach a bhfuil ráite agat, ní féidir go mbeadh aon duine chomh héirimiúil ná chomh críonna leatsa.

[40]Beidh tú i bhfeighil mo thí go léir, agus déanfaidh mo mhuintir go léir de réir d'orduithe; ní bheidh céim sa bhreis agam ort ach an ríchathaoir seo amháin."

[41]"Féach!" arsa Forann le Iósaef, "déanaim rialtóir díot ar chríocha uile na hÉigipte,"

[42]agus bhain Forann an fáinne dá láimh féin agus chuir ar láimh Iósaef é agus chuir fallaing de línéadach mín air agus slabhra óir timpeall a mhuiníl.

[43]Chuir sé ina shuí é sa charbad is fearr aige seachas a charbad féin agus bhíodh na daoine roimhe ag cur na ngártha in airde: "Ar bhur nglúine." Rinneadh rialtóir de ar chríocha uile na hÉigipte sa tslí sin.

[44]"Mise Forann," arsa Forann le Iósaef, "agus níl cead cos ná lámh ag aon duine ar fud críocha na hÉigipte ach de réir do tholasa."

45 E a José chamou Faraó de Zafenate-Panéia e lhe deu por mulher a Asenate, filha de Potífera, sacerdote de Om; e percorreu José toda a terra do Egito.

46 Era José da idade de trinta anos quando se apresentou a Faraó, rei do Egito, e andou por toda a terra do Egito.

47 Nos sete anos de fartura a terra produziu abundantemente.

48 E ajuntou José todo o mantimento que houve na terra do Egito durante os sete anos e o guardou nas cidades; o mantimento do campo ao redor de cada cidade foi guardado na mesma cidade.

49 Assim, ajuntou José muitíssimo cereal, como a areia do mar, até perder a conta, porque ia além das medidas.

50 Antes de chegar a fome, nasceram dois filhos a José, os quais lhe deu Asenate, filha de Potífera, sacerdote de Om.

51 José ao primogênito chamou de Manassés, pois disse: Deus me fez esquecer de todos os meus trabalhos e de toda a casa de meu pai.

52 Ao segundo, chamou-lhe Efraim, pois disse: Deus me fez próspero na terra da minha aflição.

53 Passados os sete anos de abundância, que houve na terra do Egito,

54 começaram a vir os sete anos de fome, como José havia predito; e havia fome em

45Agus thug Forann Zafanat Panaech mar ainm ar Iósaef, agus thug sé Ásanat, iníon Phóitífeara sagart On, mar bhean dó. Ghabh Iósaef amach ar fud críocha uile na hÉigipte.

46Deich mbliana fichead a bhí Iósaef nuair a tháinig sé i láthair Fhorainn rí na hÉigipte. Agus chuaigh Iósaef amach ó láthair Fhorainn agus ghabh ar fud críocha uile na hÉigipte.

47I gcaitheamh na seacht mbliana flúirse, thug an talamh fómhar fial uaidh,

48agus chruinnigh sé gach a raibh de bhia i mblianta na flúirse i dtír na hÉigipte agus chuir i dtaisce é sna cathracha; chuir sé an bia ó na dúichí ina dtimpeall i dtaisce i ngach cathair.

49Agus thaiscigh Iósaef raidhse mhór arbhair mar ghaineamh na trá, go dtí go ndeachaigh de é a thomhas mar go raibh a thoirt thar tomhas.

50Rugadh beirt mhac do Iósaef roimh bhliain an ghorta: Ásanat iníon Phóitífeara, sagart On, a bhronn air iad.

51Thug Iósaef Manaise ar a chéadghin; “mar,” ar sé, “thug Dia orm dearmad a dhéanamh ar mo chruatan go léir agus ar theaghlach m'athar.”

52Thug sé Eafráim ar an dara mac; “mar,” ar sé, “chuir Dia an rath orm i dtír mo chiaptha.”

53Na seacht mbliana flúirse a bhí i dtír na Éigipte, thángadar chun críche,

54agus thosaigh na seacht mbliana gorta ar theacht mar a bhí ráite ag Iósaef. Bhí gorta

todas as terras, mas em toda a terra do Egito havia pão.

55 Sentindo toda a terra do Egito a fome, clamou o povo a Faraó por pão; e Faraó dizia a todos os egípcios: Ide a José; o que ele vos disser fazei.

56 Havendo, pois, fome sobre toda a terra, abriu José todos os celeiros e vendia aos egípcios; porque a fome prevaleceu na terra do Egito.

57 E todas as terras vinham ao Egito, para comprar de José, porque a fome prevaleceu em todo o mundo.

Gênesis 42

Os irmãos de José descem ao Egito

1 Sabedor Jacó de que havia mantimento no Egito, disse a seus filhos: Por que estais aí a olhar uns para os outros?

2 E ajuntou: Tenho ouvido que há cereais no Egito; descei até lá e comprai-nos deles, para que vivamos e não morramos.

3 Então, desceram dez dos irmãos de José, para comprar cereal do Egito.

4 A Benjamim, porém, irmão de José, não enviou Jacó na companhia dos irmãos, porque dizia: Para que não lhe suceda, acaso, algum desastre.

5 Entre os que iam, pois, para lá, foram também os filhos de Israel; porque havia fome na terra de Canaã.

i ngach tír ach bhí arán ar fáil ar fud thír na Éigipte go léir.

55Nuair a luigh an gorta ar chríocha na Éigipte go léir, ghlaoigh na daoine ar Fhorann ag iarraidh aráin; agus dúirt Forann leis na hÉigiptigh go léir: “Téigí go Iósaef, agus déanaigí mar a déarfaidh sé libh.”

56Nuair a leath an gorta ar fud na tíre go léir, d'oscail Iósaef na taiscí go léir, agus dhíol an t-arbhar leis na hÉigiptigh mar go raibh an gorta dian i dtír na Éigipte.

57Agus tháinig daoine ó cheithre hairde na cruinne go dtí an Éigipt chun arbhar a cheannach ó Iósaef, mar go raibh an gorta dian ar fud an domhain ar fad.

Geineasas 42

Tagann Deartháireacha Iósaef Chuige

1Chuala Iacób go raibh arbhar ar díol san Éigipt agus dúirt sé lena chlann mhac: “Cad a ba áil libh féachaint ar a chéile?

2Is clos dom, féach!” ar sé, “go bhfuil arbhar san Éigipt; téigí ansiúd síos agus ceannaigí arbhar ann dúinn ionas go mairfimid agus nach bhfaighimid bás.”

3D'imigh deichniúr de dheartháireacha Iósaef síos chun arbhar a cheannach san Éigipt.

4Ach níor chuir Iacób Biniáimin, deartháir Iósaef, lena dheartháireacha. “Ní foláir,” ar sé, “gan aon ní a thitim amach dó.”

5Tháinig clann Iosraél dá réir sin, fara daoine eile a bhí ag déanamh an turais

chéanna, chun arbhar a cheannach mar go raibh gorta i dtír Chanán.

[6] José era governador daquela terra; era ele quem vendia a todos os povos da terra; e os irmãos de José vieram e se prostraram rosto em terra, perante ele.

[6]Ba é Iósaef a bhí i gceannas ar an tír agus is é a bhí ag díol le gach a dtáinig. Agus tháinig deartháireacha Iósaef agus shléachtadar síos go talamh dó.

[7] Vendo José a seus irmãos, reconheceu-os, porém não se deu a conhecer, e lhes falou asperamente, e lhes perguntou: Donde vindes? Responderam: Da terra de Canaã, para comprar mantimento.

[7]Nuair a chonaic Iósaef a dheartháireacha, d'aithin sé iad, ach ní dhearna sé ach caitheamh leo mar a dhéanfadh le daoine deoranta agus labhairt leo go borb: “Cad as daoibh?” ar sé. “Ó thír Chanán,” ar siad, “a thángamar chun bia a cheannach.”

[8] José reconheceu os irmãos; porém eles não o reconheceram.

[8]Sea, d'aithin Iósaef a dheartháireacha, ach níor aithin siadsan é.

[9] Então, se lembrou José dos sonhos que tivera a respeito deles e lhes disse: Vós sois espiões e viestes para ver os pontos fracos da terra.

[9]Chuimhnigh Iósaef ar na taibhrimh a bhí aige ina dtaobh agus dúirt sé: “Spiairí sibh,” ar sé, “agus chun faisnéis a fháil ar bhaill laga na tíre a tháinig sibh.”

[10] Responderam-lhe: Não, senhor meu; mas vieram os teus servos para comprar mantimento.

[10]“Ní hea ar aon chor,” ar siad, “ach is chun bia a cheannach a tháinig do shearbhóntaí.

[11] Somos todos filhos de um mesmo homem; somos homens honestos; os teus servos não são espiões.

[11]Clann an aon fhir amháin sinn go léir, agus daoine macánta; ní spiairí do shearbhóntaí.”

[12] Ele, porém, lhes respondeu: Nada disso; pelo contrário, viestes para ver os pontos fracos da terra.

[12]“Ní fíor sin,” ar sé leo, “ach is chun baill laga na tíre a fháil amach a tháinig sibh.”

[13] Eles disseram: Nós, teus servos, somos doze irmãos, filhos de um homem na terra de Canaã; o mais novo está hoje com nosso pai, outro já não existe.

[13]D'fhreagraíodar: “Dháréag dearthár, clann an aon fhir amháin i dtír Chanán, is ea sinne, do shearbhóntaí; agus féach tá an sóisear fós anois fara ár n-athair, agus tá duine nach maireann.”

[14] Então, lhes falou José: É como já vos disse: sois espiões.

[14]Ach d'fhreagair Iósaef iad: “Tá an scéal mar a dúirt mé; is spiairí sibh.

[15] Nisto sereis provados: pela vida de Faraó, daqui não saireis, sem que primeiro venha o vosso irmão mais novo.

[16] Enviai um dentre vós, que traga vosso irmão; vós ficareis detidos para que sejam provadas as vossas palavras, se há verdade no que dizeis; ou se não, pela vida de Faraó, sois espiões.

[17] E os meteu juntos em prisão três dias.

[18] Ao terceiro dia, disse-lhes José: Fazei o seguinte e vivereis, pois temo a Deus.

[19] Se sois homens honestos, fique detido um de vós na casa da vossa prisão; vós outros ide, levai cereal para suprir a fome das vossas casas.

[20] E trazei-me vosso irmão mais novo, com o que serão verificadas as vossas palavras, e não morrereis. E eles se dispuseram a fazê-lo.

[21] Então, disseram uns aos outros: Na verdade, somos culpados, no tocante a nosso irmão, pois lhe vimos a angústia da alma, quando nos rogava, e não lhe acudimos; por isso, nos vem esta ansiedade.

[22] Respondeu-lhes Rúben: Não vos disse eu: Não pequeis contra o jovem? E não me quisestes ouvir. Pois vedes aí que se requer de nós o seu sangue.

[15]Seo é an promhadh a chaithfidh sibh a shásamh: dar anam Fhorainn, ní fhágfaidh sibh an áit seo mura dtaga an deartháir is óige agaibh anseo.

[16]Seolaigí duine daoibh féin ag triall ar bhur ndeartháir; fanfaidh an chuid eile agaibh i ngéibheann i dtreo go ndéanfaí bhur scéal a phromhadh féachaint an lucht fírinne sibh nó nach ea; agus murab ea, dar anam Fhorainn, is spiairí sibh go cinnte.”

[17]Ansin chaith sé iad go léir isteach i bpríosún ar feadh trí lá.

[18]Ar an tríú lá dúirt Iósaef leo: “Déanaigí mar seo, agus ní baol daoibh an bás, mar is duine mé ar a bhfuil eagla Dé;

[19]más dream macánta sibh, fanadh deartháir agaibh sa charcair ina bhfuil sibh agus téadh an chuid eile le harbhar chun fóirithint ar ghátar bhur dteaghlach.

[20]Agus tugaigí an deartháir is óige agaibh chugamsa, i dtreo go bhfíorófaí bhur scéal agus sibh a dhul slán ón mbás.” Rinneadar amhlaidh.

[21]Ansin dúradar le chéile: “Go deimhin féin tá ár ndeartháir á agairt orainn! Chonaiceamar a bhuaireamh anama agus é ag impí orainn agus gan aon aird againn air. Uime sin a tháinig an buaireamh seo orainn.”

[22]D'fhreagair Reúbaen: “Nach ndúirt mise libh gan coir a dhéanamh in aghaidh an bhuachalla? Ach thug sibh an chluas bhodhar dom agus seo anois a fhuil á hagairt orainn!”

[23] Eles, porém, não sabiam que José os entendia, porque lhes falava por intérprete.

[24] E, retirando-se deles, chorou; depois, tornando, lhes falou; tomou a Simeão dentre eles e o algemou na presença deles.

Os irmãos de José regressam do Egito

[25] Ordenou José que lhes enchessem de cereal os sacos, e lhes restituíssem o dinheiro, a cada um no saco de cereal, e os suprissem de comida para o caminho; e assim lhes foi feito.

[26] E carregaram o cereal sobre os seus jumentos e partiram dali.

[27] Abrindo um deles o saco de cereal, para dar de comer ao seu jumento na estalagem, deu com o dinheiro na boca do saco de cereal.

[28] Então, disse aos irmãos: Devolveram o meu dinheiro; aqui está na boca do saco de cereal. Desfaleceu-lhes o coração, e, atemorizados, entreolhavam-se, dizendo: Que é isto que Deus nos fez?

[29] E vieram para Jacó, seu pai, na terra de Canaã, e lhe contaram tudo o que lhes acontecera, dizendo:

[30] O homem, o senhor da terra, falou conosco asperamente e nos tratou como espiões da terra.

[31] Dissemos-lhe: Somos homens honestos; não somos espiões;

[32] somos doze irmãos, filhos de um mesmo pai; um já não existe, e o mais novo está hoje com nosso pai na terra de Canaã.

[23]Ní raibh a fhios acu gur thuig Iósaef iad, mar bhí teanga labhartha eatarthu.

[24]D'iompaigh seisean i leataobh agus ghoil; ansin d'fhill orthu agus labhair leo; agus thóg sé Simeon uathu agus chuir cuibhreacha air os comhair a súl.

Filleann Clann Iacóib

[25]D'ordaigh Iósaef ansin a gcléibh a líonadh d'arbhar agus airgead gach duine a chur ar ais ina mhála agus lón bóthair a thabhairt dóibh. Rinneadh amhlaidh dóibh.

[26]Ansin chuireadar a n-ualach arbhair ar a gcuid asal agus d'imíodar leo.

[27]Nuair a d'oscail duine díobh a mhála chun bia a thabhairt dá asal mar a rabhadar chun fanacht thar oíche, chonaic sé a chuid airgid i mbéal an mhála.

[28]Dúirt sé lena dheartháireacha: “Cuireadh mo chuid airgid ar ais! Seo é i mbéal mo mhála!” Thit an lug ar an lag acu ansin: d'fhéachadar ar a chéile agus scéin orthu: “Ceard é seo a rinne Dia linn?” ar siad.

[29]Nuair a d'fhilleadar ar a n-athair Iacób, i dtír Chanán, d'eachtraíodar dó gach ar tharla dóibh.

[30]“An té is tiarna ar an tír,” ar siad, “labhair sé go borb linn á mheas gur lucht braite ar a thír sinn.

[31]Ach dúramar leis: ‘Daoine macánta sinne agus ní spiairí;

[32]tá dháréag dearthár againn ann, mic ár n-athar; tá duine againn nach maireann agus tá an sóisear fós anois fara ár n-athair i dtír Chanán.’

[33] Respondeu-nos o homem, o senhor da terra: Nisto conhecerei que sois homens honestos: deixai comigo um de vossos irmãos, tomai o cereal para remediar a fome de vossas casas e parti;

[34] trazei-me vosso irmão mais novo; assim saberei que não sois espiões, mas homens honestos. Então, vos entregarei vosso irmão, e negociareis na terra.

[35] Aconteceu que, despejando eles os sacos de cereal, eis cada um tinha a sua trouxinha de dinheiro no saco de cereal; e viram as trouxinhas com o dinheiro, eles e seu pai, e temeram.

[36] Então, lhes disse Jacó, seu pai: Tendes-me privado de filhos: José já não existe, Simeão não está aqui, e ides levar a Benjamim! Todas estas coisas me sobrevêm.

[37] Mas Rúben disse a seu pai: Mata os meus dois filhos, se to não tornar a trazer; entrega-mo, e eu to restituirei.

[38] Ele, porém, disse: Meu filho não descerá convosco; seu irmão é morto, e ele ficou só; se lhe sucede algum desastre no caminho por onde fordes, fareis descer minhas cãs com tristeza à sepultura.

Gênesis 43

Os irmãos de José descem outra vez ao Egito

[33]Ansin dúirt an té is tiarna ar an tír linn: ‘Ar an gcuma seo a bheidh a fhios agam gur daoine macánta sibh: fágaigí deartháir agaibh anseo liomsa agus imígí libh le harbhar chun fóirithint ar ghátar bhur dteaghlach.

[34]Agus tugaigí an deartháir is óige agaibh chugam; ansin is ea a bheidh a fhios agam gur daoine macánta sibh agus scaoilfidh mé bhur ndeartháir chugaibh, agus féadfaidh sibh bheith ag margáil sa tír.’ ”

[35]Ag folmhú a málaí dóibh, seo spagaí airgid gach duine ina mhála. Nuair a chonaiceadar féin agus an t-athair na spagaí airgid, tháinig scanradh orthu

[36]agus dúirt Iacób, an t-athair, leo: “Tá mo chlann mhac á bhfuadach uaim agaibh! Tá Iósaef caillte, tá Simeon caillte, agus anois ní foláir libh Biniáimin a bhreith libh; nach orm a thit an crann!”

[37]Ansin dúirt Reúbaen lena athair: “Cead agat mo bheirt mhac a chur chun báis mura dtabharfaidh mé ar ais chugat é; fág fúmsa é agus tabharfaidh mé ar ais chugat é.”

[38]Ach d'fhreagair sé: “Ní rachaidh mo mhac síos libh, mar tá a dheartháir marbh agus níl ach eisean amháin fágtha. Dá mbainfeadh aon tubaiste dó ar an aistear atá beartaithe agaibh, sheolfadh sibh síos go Seól mé agus mo cheann liath faoi ualach bróin.”

Geineasas 43

Na Deartháireacha ag Filleadh ar Iósaef -- agus Biniáimin Leo

[1] A fome persistia gravíssima na terra.

[2] Tendo eles acabado de consumir o cereal que trouxeram do Egito, disse-lhes seu pai: Voltai, comprai-nos um pouco de mantimento.

[3] Mas Judá lhe respondeu: Fortemente nos protestou o homem, dizendo: Não me vereis o rosto, se o vosso irmão não vier convosco.

[4] Se resolveres enviar conosco o nosso irmão, desceremos e te compraremos mantimento;

[5] se, porém, não o enviares, não desceremos; pois o homem nos disse: Não me vereis o rosto, se o vosso irmão não vier convosco.

[6] Disse-lhes Israel: Por que me fizestes esse mal, dando a saber àquele homem que tínheis outro irmão?

[7] Responderam eles: O homem nos perguntou particularmente por nós e pela nossa parentela, dizendo: Vive ainda vosso pai? Tendes outro irmão? Respondemos-lhe segundo as suas palavras. Acaso, poderíamos adivinhar que haveria de dizer: Trazei vosso irmão?

[8] Com isto disse Judá a Israel, seu pai: Envia o jovem comigo, e nos levantaremos e iremos; para que vivamos e não morramos, nem nós, nem tu, nem os nossos filhinhos.

[9] Eu serei responsável por ele, da minha mão o requererás; se eu to não trouxer e

[1]Luigh an gorta an-dian ar an tír.

[2]Nuair a bhí an t-arbhar a thugadar leo ón Éigipt caite acu, dúirt an t-athair leo: "Imígí ar ais agus ceannaigí beagán bia duinn."

[3]"An fear úd," arsa Iúdá leis, "thug sé rabhadh sollúnta dúinn: 'Ní ligfear isteach i mo láthair sibh gan bhur ndeartháir a bheith in bhur dteannta.'

[4]Má scaoileann tú ár ndeartháir inár dteannta, rachaimid síos agus ceannóimid bia duit.

[5]Ach mura scaoileann tú leis, ní rachaimidne síos mar dúirt sé siúd: 'Ní ligfear isteach i mo láthair sibh, gan bhur ndeartháir a bheith in bhur dteannta.' "

[6]"Cad a ba áil libh," arsa Iosrael, "a bheith do mo chiapadh mar sin agus a rá leis siúd go raibh deartháir eile agaibh?"

[7]D'fhreagraíodar é: "Cheistigh sé siúd sinn go mion inár dtaobh féin agus i dtaobh ár muintire, á rá: 'An maireann bhur n-athair? An bhfuil deartháir eile agaibh? ' Sin é an fáth a dtugamar an t-eolas dó. Conas a bheadh a fhios againn ar aon chor go ndéarfadh sé: 'Tugaigí bhur ndeartháir anuas libh'?"

[8]Dúirt Iúdá lena athair Iosrael: "Scaoil an buachaill liomsa, agus cuirimis chun bóthair agus imímis linn chun nach bhfaighimis bás ach maireachtáil beo - sea sinne agus tusa agus ár muirear go léir chomh maith.

[9]Rachaidh mise i mbannaí ar an mbuachaill; beidh mé freagrach duit ann;

não to puser à presença, serei culpado para contigo para sempre.

[10] Se não nos tivéssemos demorado já estaríamos, com certeza, de volta segunda vez.

[11] Respondeu-lhes Israel, seu pai: Se é tal, fazei, pois, isto: tomai do mais precioso desta terra nos sacos para o mantimento e levai de presente a esse homem: um pouco de bálsamo e um pouco de mel, arômatas e mirra, nozes de pistácia e amêndoas;

[12] levai também dinheiro em dobro; e o dinheiro restituído na boca dos sacos de cereal, tornai a levá-lo convosco; pode bem ser que fosse engano.

[13] Levai também vosso irmão, levantai-vos e voltai àquele homem.

[14] Deus Todo-Poderoso vos dê misericórdia perante o homem, para que vos restitua o vosso outro irmão e deixe vir Benjamim. Quanto a mim, se eu perder os filhos, sem filhos ficarei.

José hospeda seus irmãos

[15] Tomaram, pois, os homens os presentes, o dinheiro em dobro e a Benjamim; levantaram-se, desceram ao Egito e se apresentaram perante José.

[16] Vendo José a Benjamim com eles, disse ao despenseiro de sua casa: Leva estes homens para casa, mata reses e prepara tudo; pois estes homens comerão comigo ao meio-dia.

mura dtuga mé ar ais chugat é agus é a chur ina sheasamh os do chomhair, ansin bíodh a mhilleán sin ormsa go brách.

[10]Ach go deimhin féin mura mbeadh an mhoill seo, bheimis ar ais arís um an dtaca seo."

[11]Ansin dúirt Iosrael an t-athair leo: "Más éigean an scéal a bheith amhlaidh, déanaigí mar leanas: Cuirigí in bhur gcléibh cuid de thogha torthaí na tíre agus beirigí síos chuige siúd mar thabhartas beagán balsaim agus meala agus guma agus tragacant agus cnónna pistéise agus almóinne.

[12]Tugaigí a dhá oiread airgid libh; tugaigí ar ais an t-airgead a cuireadh i mbéal bhur málaí. B'fhéidir gur dearmad é.

[13]Tugaigí libh bhur ndeartháir agus seo libh ar ais chuige siúd.

[14]Go ndeonaí Dia Uilechumhachtach trócaire daoibh ina láthair siúd i dtreo go seolfaidh sé ar ais bhur ndeartháir eile in éineacht le Biniáimin. Maidir liomsa, más é atá i ndán dom mo chlann a chailliúint, caillfidh mé iad."

[15]Thóg na fir an tabhartas ansin: thugadar a dhá oiread airgid leo - agus Biniáimin. Chuireadar chun bóthair agus síos leo go dtí an Éigipt agus isteach i láthair Iósaef.

[16]Nuair a chonaic Iósaef Biniáimin faru dúirt sé lena reachtaire: "Beir leat iad seo chun an tí, agus maraigh mart agus cóirigh bia, mar beidh bia acu seo liom um nóin."

[17] Fez ele como José lhe ordenara e levou os homens para a casa de José.

[18] Os homens tiveram medo, porque foram levados à casa de José; e diziam: É por causa do dinheiro que da outra vez voltou nos sacos de cereal, para nos acusar e arremeter contra nós, escravizar-nos e tomar nossos jumentos.

[19] E se chegaram ao mordomo da casa de José, e lhe falaram à porta,

[20] e disseram: Ai! SENHOR meu, já uma vez descemos a comprar mantimento;

[21] quando chegamos à estalagem, abrindo os sacos de cereal, eis que o dinheiro de cada um estava na boca do saco de cereal, nosso dinheiro intacto; tornamos a trazê-lo conosco.

[22] Trouxemos também outro dinheiro conosco, para comprar mantimento; não sabemos quem tenha posto o nosso dinheiro nos sacos de cereal.

[23] Ele disse: Paz seja convosco, não temais; o vosso Deus, e o Deus de vosso pai, vos deu tesouro nos sacos de cereal; o vosso dinheiro me chegou a mim. E lhes trouxe fora a Simeão.

[24] Depois, levou o mordomo aqueles homens à casa de José e lhes deu água, e eles lavaram os pés; também deu ração aos seus jumentos.

[17]Rinne seisean rud ar Iósaef agus thug na fir go teach Iósaef;

[18]tháinig eagla orthusan mar go rabhadar á mbreith go teach Iósaef agus dúradar: “Táthar dár dtabhairt ann de bharr an airgid a cuireadh ar ais inár málaí arbhair an chéad uair; tabharfaidh siad fúinn; ionsóidh siad sinn agus déanfaidh siad daoir dínn agus gabhfaidh siad ár n-asail mar an gcéanna.”

[19]Suas leo dá bhrí sin chun reachtaire Iósaef agus labhair siad leis ar thairseach an tí:

[20]“A thiarna,” ar siad, “thángamar anuas an chéad uair chun bia a cheannach.

[21]Nuair a shroicheamar mar a rabhamar chun fanacht thar oíche, d'osclaíomar ár málaí agus b'shiúd airgead gach duine i mbéal a mhála, gan pioc de in easnamh; thugamar linn arís é dá bhrí sin,

[22]agus thugamar a thuilleadh airgid linn anuas chomh maith chun bia a cheannach. Ní eol dúinn cé chuir ár gcuid airgid inár málaí arbhair.”

[23]“Síocháin daoibh; ná bíodh eagla oraibh,” ar sé. “Is é bhur nDia agus Dia bhur n-athar a chuir an mhaoin in bhur málaí arbhair daoibh. Fuaireas bhur n-airgead slán iomlán.” Thug sé Simeon amach chucu ansin.

[24]Thug an fear isteach i dteach Iósaef iad ansin agus thug uisce chucu; níodar a gcosa; thug sé siúd foráiste dá n-asail;

[25] Então, prepararam o presente, para quando José viesse ao meio-dia; pois ouviram que ali haviam de comer.

[25]chóiríodarsan a dtabhartas agus iad ag feitheamh le Iósaef a theacht um nóin, mar dúradh leo go rabhadar chun bia a chaitheamh ansiúd.

[26] Chegando José a casa, trouxeram-lhe para dentro o presente que tinham em mãos; e prostraram-se perante ele até à terra.

[26]Nuair a tháinig Iósaef abhaile thugadar isteach chuige an tabhartas a bhí acu agus shléachtadar go talamh dó.

[27] Ele lhes perguntou pelo seu bem-estar e disse: Vosso pai, o ancião de quem me falastes, vai bem? Ainda vive?

[27]Agus chuir sé ceist orthu conas mar a bhí acu, agus dúirt: "An bhfuil bhur n-athair ar fónamh? - an seanfhear a luaigh sibh? An maireann sé fós?"

[28] Responderam: Vai bem o teu servo, nosso pai vive ainda; e abaixaram a cabeça e prostraram-se.

[28]"Tá do shearbhónta, ár n-athair, ar fónamh," ar siad, "agus maireann sé fós"; agus chromadar a gceann agus rinneadar umhlaíocht dó.

[29] Levantando José os olhos, viu a Benjamim, seu irmão, filho de sua mãe, e disse: É este o vosso irmão mais novo, de quem me falastes? E acrescentou: Deus te conceda graça, meu filho.

[29]D'fhéach seisean suas ansin agus chonaic a dheartháir Biniáimin, mac a mháthar; "An é seo," ar sé, "an deartháir is óige agaibh, an té a luaigh sibh liom? Go soirbhí Dia duit, a mhic."

[30] José se apressou e procurou onde chorar, porque se movera no seu íntimo, para com seu irmão; entrou na câmara e chorou ali.

[30]Ansin amach le Iósaef láithreach mar gur tháinig tocht ar a chroí nuair a chonaic sé a dheartháir, agus bhí na deora ag bagairt air. Isteach leis ina sheomra agus ghoil sé ansiúd.

[31] Depois, lavou o rosto e saiu; conteve-se e disse: Servi a refeição.

[31]Ansin nigh sé a aghaidh agus tháinig amach; ansin, agus greim ar a chroí aige, dúirt sé: "Dáiltear an bia."

[32] Serviram-lhe a ele à parte, e a eles também à parte, e à parte aos egípcios que comiam com ele; porque aos egípcios não lhes era lícito comer pão com os hebreus, porquanto é isso abominação para os egípcios.

[32]Dáileadh a chuid air leis féin agus orthusan leo féin; agus na hÉigiptigh a chaith bia leo, dáileadh orthu leo féin mar ní féidir leis na hÉigiptigh bia a chaitheamh le hEabhraigh - is gráin dearg leo é sin.

[33] E assentaram-se diante dele, o primogênito segundo a sua primogenitura e o mais novo segundo a sua menoridade; disto os homens se maravilhavam entre si.

[34] Então, lhes apresentou as porções que estavam diante dele; a porção de Benjamim era cinco vezes mais do que a de qualquer deles. E eles beberam e se regalaram com ele.

[33]Cuireadh chun boird iad os a chomhair, an sinsear de réir a shinsearachta agus an sóisear de réir a shóisearachta; d'fhéach na fir ar a chéile le hionadh agus le alltacht.

[34]Dáileadh bia orthu ansin ina chodanna ó bhord Iósaef, ach an chuid a cuireadh chun Biniáimin ba mhó faoi chúig í na cuid aon duine eile díobh. D'óladar fíon ina theannta go rabhadar súgach.

Gênesis 44

Estratagema de José para deter seus irmãos

[1] Deu José esta ordem ao mordomo de sua casa: Enche de mantimento os sacos que estes homens trouxeram, quanto puderem levar, e põe o dinheiro de cada um na boca do saco de mantimento.

[2] O meu copo de prata pô-lo-ás na boca do saco de mantimento do mais novo, com o dinheiro do seu cereal. E assim se fez segundo José dissera.

[3] De manhã, quando já claro, despediram-se estes homens, eles com os seus jumentos.

[4] Tendo saído eles da cidade, não se havendo ainda distanciado, disse José ao mordomo de sua casa: Levanta-te e segue após esses homens; e, alcançando-os, lhes dirás: Por que pagastes mal por bem?

[5] Não é este o copo em que bebe meu senhor? E por meio do qual faz as suas adivinhações? Procedestes mal no que fizestes.

Geineasas 44

Biniáimin agus Corn Iósaef

[1]Ansin thug [Iósaef] ordú dá reachtaire: “Líon málaí na bhfear,” ar sé, “de bhia, oiread agus is féidir dóibh a iompar, agus cuir airgead gach duine i mbéal a mhála;

[2]agus cuir mo chorn, an ceann airgid, i dteannta airgead a arbhair, isteach i mbéal mhála an té is óige acu.” Rinne sé mar a dúirt Iósaef leis.

[3]Lá arna mhárach le breacadh an lae seoladh na fir chun siúil agus a n-asail leo.

[4]Ní rabhadar imithe ach tamall beag ón cathair nuair a dúirt Iósaef lena reachtaire: “Bí amuigh,” ar sé, “agus lean na fir sin! agus nuair a thiocfaidh tú suas leo abair leo: ‘Cad chuige daoibh an t-olc a dhéanamh in aghaidh na maitheasa? [Cad chuige gur ghoid sibh mo chorn airgid?]

[5]Nach as seo a ólann mo thiarna, agus nach leis a dhéanann sé fáistine? Is olc an beart é sin déanta agaibh! ’ ”

[6] E alcançou-os e lhes falou essas palavras.

[7] Então, lhe responderam: Por que diz meu senhor tais palavras? Longe estejam teus servos de praticar semelhante coisa.

[8] O dinheiro que achamos na boca dos sacos de mantimento, tornamos a trazer-te desde a terra de Canaã; como, pois, furtaríamos da casa do teu senhor prata ou ouro?

[9] Aquele dos teus servos, com quem for achado, morra; e nós ainda seremos escravos do meu senhor.

[10] Então, lhes respondeu: Seja conforme as vossas palavras; aquele com quem se achar será meu escravo, porém vós sereis inculpados.

[11] E se apressaram, e, tendo cada um posto o saco de mantimento em terra, o abriu.

[12] O mordomo os examinou, começando do mais velho e acabando no mais novo; e achou-se o copo no saco de mantimento de Benjamim.

[13] Então, rasgaram as suas vestes e, carregados de novo os jumentos, tornaram à cidade.

A defesa de Judá

[14] E chegou Judá com seus irmãos à casa de José; este ainda estava ali; e prostraram-se em terra diante dele.

[15] Disse-lhes José: Que é isso que fizestes? Não sabíeis vós que tal homem como eu é capaz de adivinhar?

[6]Nuair a tháinig seisean suas leo labhair sé mar sin leo.

[7]Dúradar leis: “Cen fáth go labhraíonn tú mar sin, a mháistir? I bhfad ó do shearbhóntaí a leithéid de bheart a dhéanamh!

[8]Féach an t-airgead a fuaireamar i mbéal ár málaí, thugamar ar ais chugat é ó thír Chanán. Conas, más ea, a ghoidfimis airgead ná ór ó theach do thiarna?

[9]Má fhaightear ag aon duine de do shearbhóntaí é, cuirtear chun báis é, agus bímis féin inár ndaoir agat, a mháistir.”

[10]“Breith bhur mbéil féin oraibh, más ea,” ar sé, “an té ag a bhfaighfear é, beidh sé ina dhaor agam; ach rachaidh an chuid eile agaibh saor.”

[11]Ansin leag gach duine a mhála ar an talamh gan mhoill agus d'oscail gach duine a cheann féin.

[12]Rinne sé iad a chuardach, ag dul ón sinsear go dtí an sóisear agus fuarthas an corn i mála Bhiniáimin.

[13]Stróic siad a gcuid éadaigh, chuir gach duine a ualach ar a asal agus ar ais leo chun na cathrach.

[14]Nuair a shroich Iúdá agus a dheartháireacha teach Iósaef, bhí sé ansiúd fós; shléachtadar síos go talamh roimhe.

[15]Dúirt Iósaef leo: “Cad é seo atá déanta agaibh? Nach bhfuil a fhios agaibh gur fear feasa mo leithéidse?”

[16] Então, disse Judá: Que responderemos a meu senhor? Que falaremos? E como nos justificaremos? Achou Deus a iniqüidade de teus servos; eis que somos escravos de meu senhor, tanto nós como aquele em cuja mão se achou o copo.

[17] Mas ele disse: Longe de mim que eu tal faça; o homem em cuja mão foi achado o copo, esse será meu servo; vós, no entanto, subi em paz para vosso pai.

[18] Então, Judá se aproximou dele e disse: Ah! SENHOR meu, rogo-te, permite que teu servo diga uma palavra aos ouvidos do meu senhor, e não se acenda a tua ira contra o teu servo; porque tu és como o próprio Faraó.

[19] Meu senhor perguntou a seus servos: Tendes pai ou irmão?

[20] E respondemos a meu senhor: Temos pai já velho e um filho da sua velhice, o mais novo, cujo irmão é morto; e só ele ficou de sua mãe, e seu pai o ama.

[21] Então, disseste a teus servos: Trazei-mo, para que ponha os olhos sobre ele.

[22] Respondemos ao meu senhor: O moço não pode deixar o pai; se deixar o pai, este morrerá.

[16]“Cad tá le rá againn leat, a thiarna?” arsa Iúdá, “cén chosaint atá againn le déanamh orainn féin? Tá ciontacht do shearbhóntaí nochta ag Dia féin. Anois, más ea, seo sinn mar dhaoir agat, a thiarna, sinne chomh maith leis an té a bhfuarthas an corn ina sheilbh.”

[17]“Nár lige Dia go ndéanfainn a leithéid! Ní bheidh ina dhaor agam ach an té a bhfuarthas an corn ina sheilbh. Maidir libhse, téigí ar ais slán folláin chun bhur n-athar.”

[18]Ansin chuaigh Iúdá suas chuige agus dúirt: “A thiarna, impím ort, lig do do shearbhónta focal a chur i do chluais le do thoil; agus ná las le fearg chun do shearbhónta, óir is cosúil le Forann féin tusa.

[19]Chuir tú ceist, a thiarna, ar do shearbhóntaí: ‘An bhfuil athair nó deartháir agaibh? ’

[20]Agus dúramar le d'onóir: ‘Tá athair againn, seanfhear, agus deartháir óg a rugadh dó ina sheanaois; tá a dheartháirsean tar éis bháis agus níl fágtha ach eisean de chlann a mháthar; agus tá cion ag a athair air.’

[21]Ansin dúirt tú le do shearbhóntaí: ‘Tugaigí chugam anuas é go bhfeicfidh mé le mo shúile cinn é.’

[22]Ansin dúramar le d'onóir: ‘Ní féidir don mhac a athair a fhágáil mar má fhágann sé a athair ansin, gheobhaidh a athair bás.’

[23] Então, disseste a teus servos: Se vosso irmão mais novo não descer convosco, nunca mais me vereis o rosto.

[24] Tendo nós subido a teu servo, meu pai, e a ele repetido as palavras de meu senhor,

[25] disse nosso pai: Voltai, comprai-nos um pouco de mantimento.

[26] Nós respondemos: Não podemos descer; mas, se nosso irmão mais moço for conosco, desceremos; pois não podemos ver a face do homem, se este nosso irmão mais moço não estiver conosco.

[27] Então, nos disse o teu servo, nosso pai: Sabeis que minha mulher me deu dois filhos;

[28] um se ausentou de mim, e eu disse: Certamente foi despedaçado, e até agora não mais o vi;

[29] se agora também tirardes este da minha presença, e lhe acontecer algum desastre, fareis descer as minhas cãs com pesar à sepultura.

[30] Agora, pois, indo eu a teu servo, meu pai, e não indo o moço conosco, visto a sua alma estar ligada com a alma dele,

[31] vendo ele que o moço não está conosco, morrerá; e teus servos farão descer as cãs de teu servo, nosso pai, com tristeza à sepultura.

[32] Porque teu servo se deu por fiador por este moço para com o meu pai, dizendo:

[23]Ansin dúirt tú le do shearbhóntaí: ‘Mura dtaga an deartháir is óige agaibh anuas in éineacht libh ní fheicfidh sibh mo ghnúis níos mó.’

[24]Nuair a d'fhilleamar ar ár n-athair, do shearbhónta, d'insíomar dó a raibh ráite agat, a thiarna.

[25]Agus nuair a dúirt ár n-athair: ‘Imígí arís agus ceannaigí beagán bia dúinn, ’

[26]dúramar: ‘Ní féidir dúinn dul síos. Má théann an deartháir is óige againn inár dteannta, ansin rachaimid; mar ní féidir linn radharc a fháil ar ghnúis an fhir úd gan an deartháir is óige a bheith farainn.’

[27]Ansin dúirt do shearbhónta, m'athair, linn: ‘Tá a fhios agaibh gur rug mo bhean beirt mhac dom;

[28]nuair a scar mé le duine acu, dúirt mé: Stolladh, sea agus alpadh é; agus ní fhaca mé riamh ó shin é.

[29]Má thógann sibh an ceann seo uaim chomh maith, seolfaidh sibh síos go Seól mé agus mo cheann liath faoi ualach bróin.’

[30]Má thagaimse dá bhrí sin chun do shearbhónta, m'athair, agus gan an buachaill inár dteannta, ós rud é go bhfuil a chroí istigh sa bhuachaill,

[31]titfidh an t-anam as nuair a fheicfidh sé nach bhfuil an buachaill inár dteannta; agus seolfaidh do shearbhóntaí síos go Seól ár n-athair, do shearbhónta, agus a cheann liath faoi ualach bróin.

[32]Chuaigh do shearbhónta, más ea, i mbannaí leis an mbuachaill i láthair

Se eu o não tornar a trazer-te, serei culpado para com o meu pai todos os dias.

[33] Agora, pois, fique teu servo em lugar do moço por servo de meu senhor, e o moço que suba com seus irmãos.

[34] Porque como subirei eu a meu pai, se o moço não for comigo? Para que não veja eu o mal que a meu pai sobrevirá.

Gênesis 45

José dá-se a conhecer a seus irmãos

[1] Então, José, não se podendo conter diante de todos os que estavam com ele, bradou: Fazei sair a todos da minha presença! E ninguém ficou com ele, quando José se deu a conhecer a seus irmãos.

[2] E levantou a voz em choro, de maneira que os egípcios o ouviam e também a casa de Faraó.

[3] E disse a seus irmãos: Eu sou José; vive ainda meu pai? E seus irmãos não lhe puderam responder, porque ficaram atemorizados perante ele.

[4] Disse José a seus irmãos: Agora, chegai-vos a mim. E chegaram-se. Então, disse: Eu sou José, vosso irmão, a quem vendestes para o Egito.

m'athar, á rá: 'Mura dtuga mé ar ais chugat é, bíodh a mhilleán sin ormsa ar feadh mo shaoil i láthair m'athar.'

[33]Anois dá bhrí sin, impím ort, lig do do shearbhónta fanacht ina dhaor ag mo thiarna, agus scaoil an buachaill ar ais lena dheartháireacha.

[34]Conas a d'fhéadfainnse dul ar ais ag triall ar m'athair agus gan an buachaill i mo theannta? Ní ligfeadh eagla dom a bheith ag faire ar an ainnise a thiocfadh sa mhullach ar m'athair."

Geineasas 45

Cuireann Iósaef é féin in Aithne

[1]Níor fhéad Iósaef smacht a choimeád air féin a thuilleadh os comhair a raibh ag friotháil air; ghlaoigh sé in ard a chinn agus dúirt: "Cuirigí gach aon duine chun siúil ó mo láthair." Ní raibh aon duine i láthair dá bhrí sin nuair a bhí Iósaef á chur féin in aithne dá dheartháireacha.

[2]Ghoil sé os ard agus chuala na hÉigiptigh é agus chuala teaghlach Fhorainn é.

[3]"Mise Iósaef," arsa Iósaef lena dheartháireacha, "agus an maireann m'athair fós?" Ach níor fhan focal freagra dó ag a dheartháireacha le barr uafáis ina láthair.

[4]Dúirt Iósaef ansin lena dheartháireacha: "Druidigí i leith chugam, le bhur dtoil"; agus nuair a dhruideadar leis dúirt sé: "Mise bhur ndeartháir Iósaef a dhíol sibh le breith chun na hÉigipte.

[5] Agora, pois, não vos entristeçais, nem vos irriteis contra vós mesmos por me haverdes vendido para aqui; porque, para conservação da vida, Deus me enviou adiante de vós.

[5]Anois, más ea, ná bíodh buaireamh ná fearg oraibh libh féin toisc mé a reic anseo, mar sheol Dia mise romhaibh chun sibh a choinneáil beo.

[6] Porque já houve dois anos de fome na terra, e ainda restam cinco anos em que não haverá lavoura nem colheita.

[6]Óir tá an gorta sa tír le dhá bhliain agus tá cúig bliana eile le teacht nach gcuirfear síol agus nach mbainfear fómhar.

[7] Deus me enviou adiante de vós, para conservar vossa sucessão na terra e para vos preservar a vida por um grande livramento.

[7]Chuir Dia mise romhaibh chun fuíoll sleachta a choimeád beo ar talamh daoibh, sea agus tarrtháil a dhéanamh ar a lán daoibh.

[8] Assim, não fostes vós que me enviastes para cá, e sim Deus, que me pôs por pai de Faraó, e senhor de toda a sua casa, e como governador em toda a terra do Egito.

[8]Ní sibhse dá bhrí sin a sheol anseo mé ach Dia, agus chuir sé mé i riocht a bheith i m'athair ag Forann agus i mo thiarna ar a theaghlach go léir agus i m'uachtarán ar chríocha na hÉigipte go léir.

[9] Apressai-vos, subi a meu pai e dizei-lhe: Assim manda dizer teu filho José: Deus me pôs por senhor em toda terra do Egito; desce a mim, não te demores.

[18]Ghlaoigh rí na hÉigipte chuige ar na mná cabhartha dá bhrí sin agus d'fhiafraigh díobh: “Cad chuige daoibh é seo a dhéanamh agus na mic a choimeád beo?”

[19]“Mar nach bhfuil na mná Eabhracha mar na mná Éigipteacha,” arsa na mná cabhartha le Forann. “Ach tá fuinneamh iontu agus bíonn beirthe acu sula dtagann an bhean chabhartha chucu.”

[20] E Deus fez bem às parteiras; e o povo aumentou e se tornou muito forte.

[21] E, porque as parteiras temeram a Deus, ele lhes constituiu família.

[22] Então, ordenou Faraó a todo o seu povo, dizendo: A todos os filhos que nascerem aos hebreus lançareis no Nilo, mas a todas as filhas deixareis viver.

[20]Bhí Dia go maith do na mná cabhartha, agus lean na daoine orthu ag dul i líonmhaire agus chuadar i neart go mór.

[21]De bhrí go raibh eagla Dé ar na mná cabhartha, bhronn sé sliocht orthu.

[22]Ansin thug Forann ordú dá mhuintir go léir: "Gach gin mhic a bhéarfar do na hEabhraigh, caithigí san abhainn é; ach ligigí do na hiníonacha go léir maireachtáil."

Êxodo 2

Nascimento e educação de Moisés

[1] Foi-se um homem da casa de Levi e casou com uma descendente de Levi.

[2] E a mulher concebeu e deu à luz um filho; e, vendo que era formoso, escondeu-o por três meses.

[3] Não podendo, porém, escondê-lo por mais tempo, tomou um cesto de junco, calafetou-o com betume e piche e, pondo nele o menino, largou-o no carriçal à beira do rio.

[4] A irmã do menino ficou de longe, para observar o que lhe haveria de suceder.

[5] Desceu a filha de Faraó para se banhar no rio, e as suas donzelas passeavam pela beira do rio; vendo ela o cesto no carriçal, enviou a sua criada e o tomou.

[6] Abrindo-o, viu a criança; e eis que o menino chorava. Teve compaixão dele e disse: Este é menino dos hebreus.

Eaxodus 2

Breith Mhaois agus a Óige

[1]Bhí duine de threibh Léiví agus phós sé bean de shliocht Leiví.

[2]Ghabh an bhean gin agus rug sí mac, agus nuair a chonaic sí gur bhunóc bhreá é, chuir sí i bhfolach é ar feadh trí mhí.

[3]Nuair a chuaigh di é a choimead faoi cheilt a thuilleadh, fuair sí cléibhín paipíre dó agus chuimil sí bitiúman agus pic de, agus chuir an leanbh ann, agus chuir i measc na n-eileastram ar bhruach na habhann é.

[4]Sheas a dheirfiúr i leataobh tamall féachaint cad a dhéanfaí leis.

[5]Agus tháinig iníon Fhorainn anuas chun í féin a fholcadh san abhainn agus bhí a hionailtí ag spaisteoireacht ar bhruach na habhann. Chonaic sí an cléibhín i measc na n-eileastram agus chuir sí a hionailt ag triall air.

[6]D'oscail, d'fhéach, agus chonaic an leanbh fir, agus bhí an leanbh ag gol; bhí trua aici dó agus dúirt: "Leanbh le duine de na hEabhraigh é seo!"

[7] Então, disse sua irmã à filha de Faraó: Queres que eu vá chamar uma das hebréias que sirva de ama e te crie a criança?
[8] Respondeu-lhe a filha de Faraó: Vai. Saiu, pois, a moça e chamou a mãe do menino.
[9] Então, lhe disse a filha de Faraó: Leva este menino e cria-mo; pagar-te-ei o teu salário. A mulher tomou o menino e o criou.
[10] Sendo o menino já grande, ela o trouxe à filha de Faraó, da qual passou ele a ser filho. Esta lhe chamou Moisés e disse: Porque das águas o tirei.

Moisés mata um egípcio e foge para Midiã

[11] Naqueles dias, sendo Moisés já homem, saiu a seus irmãos e viu os seus labores penosos; e viu que certo egípcio espancava um hebreu, um do seu povo.

[12] Olhou de um e de outro lado, e, vendo que não havia ali ninguém, matou o egípcio, e o escondeu na areia.

[13] Saiu no dia seguinte, e eis que dois hebreus estavam brigando; e disse ao culpado: Por que espancas o teu próximo?

[14] O qual respondeu: Quem te pôs por príncipe e juiz sobre nós? Pensas matar-me, como mataste o egípcio? Temeu, pois, Moisés e disse: Com certeza o descobriram.

[7]Ansin dúirt a dheirfiúr le hiníon Fhorainn: “An rachaidh mé agus buime a ghairm ó i measc na mban Eabhrach chun an leanbh a oiliúint duit?”
[8]“Déan,” arsa iníon Fhorainn léi, agus d'imigh an cailín agus ghlaoigh ar mháthair an linbh.
[9]Agus dúirt iníon Fhorainn léi: “Beir leat an leanbh seo, agus oil dom é, agus ní fhágfaidh mé gan do thuarastal thú.” Thóg an bhean an leanbh agus d'oil.
[10]Agus d'fhás an leanbh agus thug sí chun iníon Fhorainn é, agus bhí sé amhail mac aici, agus thug sí Maois air, “mar,” ar sí, “gur tharraing mé as an uisce é.”

[11]Nuair a bhí Maois ina fhear chuaigh sé ar thuairisc a mhuintire lá agus chonaic sé cad é cruatan a bhí á fhulaingt acu; agus chonaic sé Éigipteach ag bualadh Eabhraigh, duine dá mhuintir.
[12]D'fhéach sé anseo agus ansiúd agus nuair nach bhfaca sé aon duine, mharaigh sé an tÉigipteach agus chuir a chorp i bhfolach sa ghaineamh.
[13]Tháinig sé ar ais lá arna mhárach agus b'sheo beirt Eabhrach ag troid le chéile. Dúirt sé leis an té a bhí san éagóir: “Cén fáth gur bhuail tú do chomhthíreach?”
[14]“Agus cé a cheap thusa,” ar seisean leis, “i do thaoiseach agus i do bhreitheamh orainne? An mé a mharú a ba áil leat, mar a mharaigh tú an tÉigipteach?” Tháinig scanradh ar Mhaois: “Ní foláir,” ar sé leis féin, “nó go bhfuil an scéal úd amuigh orm.”

[15] Informado desse caso, procurou Faraó matar a Moisés; porém Moisés fugiu da presença de Faraó e se deteve na terra de Midiã; e assentou-se junto a um poço.

[15]Nuair a chuala Forann ina thaobh, rinne sé iarracht ar Mhaois a mharú, ach theith Maois ó Fhorann agus d'fhan sé i dtír Mhidián. Shuigh sé láimh le tobar.

[16] O sacerdote de Midiã tinha sete filhas, as quais vieram a tirar água e encheram os bebedouros para dar de beber ao rebanho de seu pai.

[16]Agus anois bhí mórsheisear iníonacha ag sagart Mhidián agus thángadar agus tharraingíodar uisce agus líonadar na humair chun uisce a thabhairt do thréad a n-athar.

[17] Então, vieram os pastores e as enxotaram dali; Moisés, porém, se levantou, e as defendeu, e deu de beber ao rebanho.

[17]Tháinig aoirí agus thiomáin ar shiúl iad, ach d'éirigh Maois agus d'fhóir orthu agus thug deoch dá dtréad.

[18] Tendo elas voltado a Reuel, seu pai, este lhes perguntou: Por que viestes, hoje, mais cedo?

[18]Nuair a thángadar mar a raibh Reúél, an t-athair, dúirt seisean: “Nach luath atá sibh ar ais inniu!”

[19] Responderam elas: Um egípcio nos livrou das mãos dos pastores, e ainda nos tirou água, e deu de beber ao rebanho.

[19]“Shaor Éigipteach sinn,” ar siad, “ó lámha na n-aoirí agus, fairis sin, tharraing sé uisce dúinn agus thug deoch don tréad.”

[20] E onde está ele?, disse às filhas; por que deixastes lá o homem? Chamai-o para que coma pão.

[20]Agus dúirt seisean lena iníonacha: “Cá bhfuil mo dhuine? Cén fáth é a fhágáil ansiúd? Iarraigí air teacht agus bia a chaitheamh linn.”

[21] Moisés consentiu em morar com aquele homem; e ele deu a Moisés sua filha Zípora,

[21]Bhí Maois sásta cur faoi i bhfochair an duine seo agus thug seisean Zipiorá a iníon mar bhean dó.

[22] a qual deu à luz um filho, a quem ele chamou Gérson, porque disse: Sou peregrino em terra estranha.

[22]Rug sí mac agus thug sé Géirsiom mar ainm air, “mar,” ar sé, “is deoraí (gér) mé i dtír iasachta.”

A morte do rei do Egito

Maois á Ghlaoch

[23] Decorridos muitos dias, morreu o rei do Egito; os filhos de Israel gemiam sob a servidão e por causa dela clamaram, e o seu clamor subiu a Deus.

[23]Le himeacht na fadaimsire sin tháinig an bás ar rí na hÉigipte; agus bhí clann Iosrael ag cneadaíl faoi chuing a ndaoirse agus scread siad ag iarraidh cabhrach agus tháinig a scread ó umar a ndaoirse i láthair Dé.

[24] Ouvindo Deus o seu gemido, lembrou-se da sua aliança com Abraão, com Isaque e com Jacó.
[25] E viu Deus os filhos de Israel e atentou para a sua condição.

[24]D'éist Dia lena gcnead agus chuimhnigh Dia ar a chonradh le hAbrahám, le hÍosác agus le Iacób.
[25]D'fhéach Dia ar chlann Iosrael agus ba eol dó [a gcruachás].

Êxodo 3

Deus fala com Moisés do meio da sarça ardente

[1] Apascentava Moisés o rebanho de Jetro, seu sogro, sacerdote de Midiã; e, levando o rebanho para o lado ocidental do deserto, chegou ao monte de Deus, a Horebe.
[2] Apareceu-lhe o Anjo do SENHOR numa chama de fogo, no meio de uma sarça; Moisés olhou, e eis que a sarça ardia no fogo e a sarça não se consumia.
[3] Então, disse consigo mesmo: Irei para lá e verei essa grande maravilha; por que a sarça não se queima?
[4] Vendo o SENHOR que ele se voltava para ver, Deus, do meio da sarça, o chamou e disse: Moisés! Moisés! Ele respondeu: Eis-me aqui!
[5] Deus continuou: Não te chegues para cá; tira as sandálias dos pés, porque o lugar em que estás é terra santa.
[6] Disse mais: Eu sou o Deus de teu pai, o Deus de Abraão, o Deus de Isaque e o Deus de Jacó. Moisés escondeu o rosto, porque temeu olhar para Deus.
[7] Disse ainda o SENHOR: Certamente, vi a aflição do meu povo, que está no Egito, e ouvi o seu clamor por causa dos seus exatores. Conheço-lhe o sofrimento;

Eaxodus 3

[1]Bhí Maois ag aoireacht tréad athair a chéile, Iatró, sagart Mhidián. Sheol sé a thréad go hiarthar an fhásaigh agus tháinig go Horaeb, sliabh Dé.
[2]Thaispeáin aingeal an Tiarna é féin dó ansiúd i riocht lasair thine ag teacht as lár toir; d'fhéach sé agus b'shiúd an tor ar lasadh ach gan é á dhó.
[3]“Caithfidh mé dul i leataobh,” arsa Maois, “agus an radharc iontach seo a fheiceáil - cen fáth a bhfuil an tor gan do.”
[4]Nuair a chonaic an Tiarna é agus é ag dul i leataobh á fheiceáil, ghlaoigh Dia air ón tor: “A Mhaois, a Mhaois!” “Anseo dom,” ar sé.
[5]“Ná tar níos gaire,” arsa [an Tiarna], “bain do bhróga de do chosa óir an ball ar a bhfuil tú i do sheasamh, is talamh naofa é.”
[6]“Is mise,” ar sé ansin, “Dia d'athar, Dia Abrahám, Dia Íosác, Dia Iacóib.” Agus chlúdaigh Maois a aghaidh mar nár leomhaigh sé féachaint ar Dhia.
[7]Ansin dúirt an Tiarna: “Chonaic mé an cruatan atá ar mo phobal san Éigipt agus chuala mé a screadaíl de bharr a saoistí saothair; is eol dom a bpianta.

[8] por isso, desci a fim de livrá-lo da mão dos egípcios e para fazê-lo subir daquela terra a uma terra boa e ampla, terra que mana leite e mel; o lugar do cananeu, do heteu, do amorreu, do ferezeu, do heveu e do jebuseu.

[8]Tháinig mé anuas chun iad a fhuascailt as lámha na nÉigipteach agus chun iad a sheoladh as an tír sin isteach i dtír mhéith fhairsing, i dtír ina bhfuil bainne agus mil ina slaoda, i dtír na gCanánach agus na Hiteach, na nAmórach agus na bPirizeach, na Hiveach agus na Iabúsach.

[9] Pois o clamor dos filhos de Israel chegou até mim, e também vejo a opressão com que os egípcios os estão oprimindo.

[9]Anois tá scread chlann Iosrael tagtha chugam agus chonaic mé an leatrom a imríonn na hÉigiptigh orthu.

[10] Vem, agora, e eu te enviarei a Faraó, para que tires o meu povo, os filhos de Israel, do Egito.

[10]Téanam mar sin agus cuirfidh mé ag triall ar Fhorann thú chun go dtabharfá mo phobal, clann Iosrael, as an Éigipt amach."

[11] Então, disse Moisés a Deus: Quem sou eu para ir a Faraó e tirar do Egito os filhos de Israel?

[11]Dúirt Maois le Dia: "Cé hé mise a rá is go rachainn ag triall ar Fhorann agus clann Iosrael a thabhairt ón Éigipt amach?"

[12] Deus lhe respondeu: Eu serei contigo; e este será o sinal de que eu te enviei: depois de haveres tirado o povo do Egito, servireis a Deus neste monte.

[12]"Beidh mise leat," ar sé, "agus beidh seo mar chomhartha agat air gur mise a sheol thú. Nuair a thabharfaidh tú mo phobal leat amach as an Éigipt, déanfaidh tú Dia a adhradh ar an gcnoc seo."

Ainm Dé - Misean Mhaois - Árón

[13] Disse Moisés a Deus: Eis que, quando eu vier aos filhos de Israel e lhes disser: O Deus de vossos pais me enviou a vós outros; e eles me perguntarem: Qual é o seu nome? Que lhes direi?

[13]Ansin dúirt Maois le Dia: "Má théim go clann Iosrael agus a rá leo: 'Dia bhur n-aithreacha a chuir mise chugaibh, ' agus go bhfiafraíonn siad díom: 'Cén t-ainm atá air? ' céard a déarfaidh mé leo?"

[14] Disse Deus a Moisés: EU SOU O QUE SOU. Disse mais: Assim dirás aos filhos de Israel: EU SOU me enviou a vós outros.

[14]Dúirt Dia le Maois: "Is mé an te atá ann," agus lean sé air: "agus abair é seo le clann Iosrael: 'An té atá ann is é a sheol chugaibh mé.' "

[15] Disse Deus ainda mais a Moisés: Assim dirás aos filhos de Israel: O SENHOR, o Deus de vossos pais, o Deus de Abraão, o Deus de Isaque e o Deus de Jacó, me

[15]Agus dúirt Dia arís le Maois: "Seo mar a déarfaidh tú le clann Iosrael: 'An Tiarna, Dia bhur n-aithreacha, Dia Abrahám, Dia Íosác, Dia Iacóib, is é a chuir chugaibh

enviou a vós outros; este é o meu nome eternamente, e assim serei lembrado de geração em geração.

16 Vai, ajunta os anciãos de Israel e dize-lhes: O SENHOR, o Deus de vossos pais, o Deus de Abraão, o Deus de Isaque e o Deus de Jacó, me apareceu, dizendo: Em verdade vos tenho visitado e visto o que vos tem sido feito no Egito.

17 Portanto, disse eu: Far-vos-ei subir da aflição do Egito para a terra do cananeu, do heteu, do amorreu, do ferezeu, do heveu e do jebuseu, para uma terra que mana leite e mel.

18 E ouvirão a tua voz; e irás, com os anciãos de Israel, ao rei do Egito e lhe dirás: O SENHOR, o Deus dos hebreus, nos encontrou. Agora, pois, deixa-nos ir caminho de três dias para o deserto, a fim de que sacrifiquemos ao SENHOR, nosso Deus.

19 Eu sei, porém, que o rei do Egito não vos deixará ir se não for obrigado por mão forte.

20 Portanto, estenderei a mão e ferirei o Egito com todos os meus prodígios que farei no meio dele; depois, vos deixará ir.

21 Eu darei mercê a este povo aos olhos dos egípcios; e, quando sairdes, não será de mãos vazias.

22 Cada mulher pedirá à sua vizinha e à sua hóspeda jóias de prata, e jóias de ouro,

mé.’ Sin é m'ainm ar feadh na síoraíochta agus sin mar a bheidh m'ainm á ghlaoch ó ghlúin go glúin. ”

16“Imigh agus cruinnigh seanóirí chlann Iosrael le chéile agus abair leo: ‘An Tiarna, Dia bhur n-aithreacha, Dia Abrahám, Dia Íosác, Dia Iacóib, thaispeáin sé é féin dom, agus dúirt sé liom: Tháinig mé ar cuairt chugaibh agus chonaic mé a ndearnadh libh san Éigipt;

17agus chinn mé sibh a thabhairt amach as cruatan na hÉigipte agus isteach i dtír na gCanánach agus na Hiteach, na nAmórach agus na bPirizeach, na Hiveach agus na Iabúsach, i dtír ina bhfuil bainne agus mil ina slaoda.’

18Agus éistfidh siad le do ghlór agus ní foláir duit féin agus do sheanóirí Iosrael, dul i láthair rí na hÉigipte agus a rá leis: ‘An Tiarna, Dia Iosrael, tháinig sé ag triall orainn, agus anois lig dúinn dul aistear trí lá isteach san fhásach go ndéanfaimis íobairt don Tiarna ár nDia.’

19Tá a fhios agamsa áfach nach scaoilfidh rí na hÉigipte libh gan lámh thréan a luí air.

20Sínfidh mé mo lámh ámh agus buailfidh mé an Éigipt leis na hiontais a dhéanfaidh mé inti. Ansin scaoilfidh sé libh.

21Agus cuirfidh mé an pobal seo faoi dhea-mheas i measc na nÉigipteach i dtreo nach folamh a bheidh sibh ag imeacht daoibh nuair a imeoidh sibh.

22Lorgóidh gach bean ornáidí airgid agus óir agus éidí ar a comharsa agus ar an

e vestimentas; as quais poreis sobre vossos filhos e sobre vossas filhas; e despojareis os egípcios.

mbean a bheidh ag cur fúithi ina teach agus cuirfidh sibh iad ar bhur mic agus ar bhur n-iníonacha; creachfaidh sibh na hÉigiptigh ar an gcuma sin.”

Êxodo 4

Deus concede poderes a Moisés

[1] Respondeu Moisés: Mas eis que não crerão, nem acudirão à minha voz, pois dirão: O SENHOR não te apareceu.

[2] Perguntou-lhe o SENHOR: Que é isso que tens na mão? Respondeu-lhe: Um bordão.

[3] Então, lhe disse: Lança-o na terra. Ele o lançou na terra, e o bordão virou uma serpente. E Moisés fugia dela.

[4] Disse o SENHOR a Moisés: Estende a mão e pega-lhe pela cauda (estendeu ele a mão, pegou-lhe pela cauda, e ela se tornou em bordão);

[5] para que creiam que te apareceu o SENHOR, Deus de seus pais, o Deus de Abraão, o Deus de Isaque e o Deus de Jacó.

[6] Disse-lhe mais o SENHOR: Mete, agora, a mão no peito. Ele o fez; e, tirando-a, eis que a mão estava leprosa, branca como a neve.

[7] Disse ainda o SENHOR: Torna a meter a mão no peito. Ele a meteu no peito, novamente; e, quando a tirou, eis que se

Eaxodus 4

[1]Ansin dúirt Maois: “Ach abair nach gcreidfidh siad mé agus nach n-éistfidh siad le mo ghlór, agus go ndéarfaidh siad: ‘Níor thaispeáin an Tiarna é féin duit’?”

[2]D'fhiafraigh an Tiarna de: “Cad é sin i do láimh agat?” “Slat,” arsa Maois.

[3]“Caith ar an talamh í,” arsa an Tiarna, agus chaith sé ar an talamh í agus rinneadh nathair nimhe di, agus chúb Maois uaithi.

[4]“Cuir do lámh amach,” arsa an Tiarna leis, “agus beir ar eireaball uirthi” -

[5]agus chuir sé a lámh amach agus rug uirthi agus rinneadh slat arís di ina láimh - “i dtreo go gcreidfidís go ndearna an Tiarna, Dia a n-aithreacha, Dia Abrahám, Dia Íosác, Dia Iacóib, é féin a thaispeáint duit.”

[6]Labhair an Tiarna arís: “Cuir do lámh i do bhrollach.” Chuir seisean a lámh ina bhrollach, agus nuair a tharraing sé amach í, bhí sí faoi bhrat lobhra chomh geal le sneachta.

[7]“Cuir do lámh ar ais i do bhrollach,” ar sé. Agus chuir sé a lámh ar ais ina bhrollach agus nuair a tharraing sé amach

havia tornado como o restante de sua carne.

[8] Se eles te não crerem, nem atenderem à evidência do primeiro sinal, talvez crerão na evidência do segundo.

[9] Se nem ainda crerem mediante estes dois sinais, nem te ouvirem a voz, tomarás das águas do rio e as derramarás na terra seca; e as águas que do rio tomares tornar-se-ão em sangue sobre a terra.

[10] Então, disse Moisés ao SENHOR: Ah! SENHOR! Eu nunca fui eloqüente, nem outrora, nem depois que falaste a teu servo; pois sou pesado de boca e pesado de língua.

[11] Respondeu-lhe o SENHOR: Quem fez a boca do homem? Ou quem faz o mudo, ou o surdo, ou o que vê, ou o cego? Não sou eu, o SENHOR?

[12] Vai, pois, agora, e eu serei com a tua boca e te ensinarei o que hás de falar.

[13] Ele, porém, respondeu: Ah! SENHOR! Envia aquele que hás de enviar, menos a mim.

[14] Então, se acendeu a ira do SENHOR contra Moisés, e disse: Não é Arão, o levita, teu irmão? Eu sei que ele fala fluentemente; e eis que ele sai ao teu encontro e, vendo-te, se alegrará em seu coração.

[15] Tu, pois, lhe falarás e lhe porás na boca as palavras; eu serei com a tua boca e com a dele e vos ensinarei o que deveis fazer.

í, b'shiúd í slán arís mar an chuid eile dá chneas.

[8]“Mura gcreidfidh siad thú,” arsa an Tiarna, “ná geilleadh don chéad chomhartha géillfidh siad don dara ceann.

[9]Ach mura ngéillfidh siad do cheachtar den dá chomhartha, ná eisteacht le do ghlór, ní foláir duit taoscán uisce a thógáil on Níl agus é chaitheamh ar an talamh tirim; agus an t-uisce a thógfaidh tú ón Níl, déanfar fuil de ar an talamh tirim.”

[10]“Ach, a Thiarna liom,” arsa Maois leis an Tiarna, “ní duine dea-labhartha mé aon lá de mo shaol go dtí seo, ná ó labhair tú le do sheirbhíseach; is mall mo chaint agus is righin mo theanga.”

[11]“Ce chruthaigh béal an duine?” arsa an Tiarna leis, “cé dhéanann balbh é nó bodhar nó radharcach nó dall? Nach mise, an Tiarna?

[12]Imigh anois mar sin; beidh mise mar thaca le do bhéal agus múinfidh mé duit a mbeidh le rá agat.”

[13]Ach dúirt seisean: “Seol duine éigin eile, le do thoil a Thiarna.”

[14]Ansin las fearg an Tiarna in aghaidh Mhaois agus dúirt sé: “Nach bhfuil Árón an Léivíteach do dheartháir agat? Is eol dom é a bheith soilbhir. Tá sé chugat agus nuair a fheicfidh sé thú beidh áthas croí air.

[15]Labhróidh tusa leis agus cuirfidh tú na focail ina bhéal. Beidh mise mar thaca le do bhéalsa agus lena bhéalsan, agus

múinfidh mé duit a bhfuil le déanamh agat.

[16] Ele falará por ti ao povo; ele te será por boca, e tu lhe serás por Deus.

[16]Labhróidh sé thar do cheann leis an bpobal; agus beidh seisean mar bhéal agatsa, agus beidh tusa mar dhia aige-sean á spreagadh.

[17] Toma, pois, este bordão na mão, com o qual hás de fazer os sinais.

[17]Tóg an tslat seo i do láimh, agus leis an tslat seo a dhéanfaidh tú na comharthaí."

Moisés regressa ao Egito

Filleann Maois

[18] Saindo Moisés, voltou para Jetro, seu sogro, e lhe disse: Deixa-me ir, voltar a meus irmãos que estão no Egito para ver se ainda vivem. Disse-lhe Jetro: Vai-te em paz.

[18]D'imigh Maois agus ar ais leis go Iatró, athair a chéile, agus dúirt leis: "An bhfuil cead agam, le do thoil, filleadh ar mo mhuintir san Éigipt féachaint an beo dóibh i gcónaí?" Agus dúirt Iatró le Maois: "Imigh faoi shíocháin."

[19] Disse também o SENHOR a Moisés, em Midiã: Vai, torna para o Egito, porque são mortos todos os que procuravam tirar-te a vida.

[19]Agus dúirt an Tiarna le Maois i Midián: "Imigh ort ar ais go dtí an Éigipt; an mhuintir go léir a bhí ar do thí chun do mharaithe tá siad tar éis bháis."

[20] Tomou, pois, Moisés a sua mulher e os seus filhos; fê-los montar num jumento e voltou para a terra do Egito. Moisés levava na mão o bordão de Deus.

[20]Thóg Maois leis a bhean agus a mhac agus chuir ar muin asail iad agus ar ais leis chun na hÉigipte. Thug Maois slat Dé leis ina láimh.

[21] Disse o SENHOR a Moisés: Quando voltares ao Egito, vê que faças diante de Faraó todos os milagres que te hei posto na mão; mas eu lhe endurecerei o coração, para que não deixe ir o povo.

[21]Agus dúirt an Tiarna le Maois: "Nuair a fhillfidh tú ar an Éigipt, féach chuige go ndéanfaidh tú os comhair Fhorainn na miorúiltí go léir a chuir mé ar do chumas; ach cruafaidh mise an croí ann i dtreo nach scaoilfidh sé leis an bpobal.

[22] Dirás a Faraó: Assim diz o SENHOR: Israel é meu filho, meu primogênito.

[22]Agus déarfaidh tú le Forann: 'Mar seo a deir an Tiarna: Iosrael mo chéadghin.

[23] Digo-te, pois: deixa ir meu filho, para que me sirva; mas, se recusares deixá-lo ir, eis que eu matarei teu filho, teu primogênito.

[23]Dúirt mé leat mo mhac a ligean chun siúil chun íobairt a dhéanamh dom. Ní toil leat é a ligean chun siúil. Maróidh mé do chéadghin! Sin é agat é! ' "

[24] Estando Moisés no caminho, numa estalagem, encontrou-o o SENHOR e o quis matar.

[25] Então, Zípora tomou uma pedra aguda, cortou o prepúcio de seu filho, lançou-o aos pés de Moisés e lhe disse: Sem dúvida, tu és para mim esposo sanguinário.

[26] Assim, o SENHOR o deixou. Ela disse: Esposo sanguinário, por causa da circuncisão.

[27] Disse também o SENHOR a Arão: Vai ao deserto para te encontrares com Moisés. Ele foi e, encontrando-o no monte de Deus, o beijou.

[28] Relatou Moisés a Arão todas as palavras do SENHOR, com as quais o enviara, e todos os sinais que lhe mandara.

[29] Então, se foram Moisés e Arão e ajuntaram todos os anciãos dos filhos de Israel.

[30] Arão falou todas as palavras que o SENHOR tinha dito a Moisés, e este fez os sinais à vista do povo.

[31] E o povo creu; e, tendo ouvido que o SENHOR havia visitado os filhos de Israel e lhes vira a aflição, inclinaram-se e o adoraram.

[24]San aistear dó tháinig an Tiarna an treo chuige mar a raibh sé ag cur faoi ar feadh na hoíche agus thug sé iarracht ar é a mharú.

[25]Ansin thóg Zipiorá breochloch agus bhain an forchraiceann dá mac agus chuir sí le baill ghiniúna Mhaois é: “Is fear fuilteach agam thú, is ea sin,” ar sí leis.

[26]Lig sé dó ansin. Is ansin is ea a dúirt sí “fear fuilteach thú” de bharr an timpeallghearrtha.

[27]Dúirt an Tiarna le hÁrón: “Imigh isteach san fhásach i gcoinne Mhaois.” Agus d'imigh sé agus bhuail leis ag sliabh Dé agus phóg é.

[28]Agus d'inis Maois d'Árón a ndúirt an Tiarna leis agus é a sheoladh uaidh agus na comharthaí go léir a d'ordaigh sé dó a dhéanamh.

[29]Ar aghaidh le Maois agus Árón ansin agus chruinníodar seanóirí chlann Iosrael go léir le chéile.

[30]Agus d'inis Árón a ndúirt an Tiarna le Maois agus rinne sé na comharthaí os comhair an phobail.

[31]Chreid an pobal agus bhí lúcháir orthu mar gur thug an Tiarna cuairt ar chlann Iosrael agus go bhfaca sé a gcruachás, agus chromadar a gceann agus rinneadar adhradh.

Êxodo 5

Moisés e Arão falam a Faraó

[1] Depois, foram Moisés e Arão e disseram a Faraó: Assim diz o SENHOR, Deus de

Eaxodus 5

I Láthair Fhorainn

[1]Ansin chuaigh Maois agus Árón go Forann agus dúirt leis: “Seo mar a deir an Tiarna Dia Iosrael: ‘Lig do mo phobal

Israel: Deixa ir o meu povo, para que me celebre uma festa no deserto.

2 Respondeu Faraó: Quem é o SENHOR para que lhe ouça eu a voz e deixe ir a Israel? Não conheço o SENHOR, nem tampouco deixarei ir a Israel.

3 Eles prosseguiram: O Deus dos hebreus nos encontrou; deixa-nos ir, pois, caminho de três dias ao deserto, para que ofereçamos sacrifícios ao SENHOR, nosso Deus, e não venha ele sobre nós com pestilência ou com espada.

4 Então, lhes disse o rei do Egito: Por que, Moisés e Arão, por que interrompeis o povo no seu trabalho? Ide às vossas tarefas.

5 Disse também Faraó: O povo da terra já é muito, e vós o distraís das suas tarefas.

Faraó aflige os israelitas

6 Naquele mesmo dia, pois, deu ordem Faraó aos superintendentes do povo e aos seus capatazes, dizendo:

7 Daqui em diante não torneis a dar palha ao povo, para fazer tijolos, como antes; eles mesmos que vão e ajuntem para si a palha.

8 E exigireis deles a mesma conta de tijolos que antes faziam; nada diminuireis dela; estão ociosos e, por isso, clamam: Vamos e sacrifiquemos ao nosso Deus.

9 Agrave-se o serviço sobre esses homens, para que nele se apliquem e não dêem ouvidos a palavras mentirosas.

imeacht go ndéanfaidh siad ceiliúradh domsa san fhásach.' "

2Ach dúirt Forann: "Cé hé an Tiarna seo go n-éistfinnse lena ghlór agus Iosrael a ligean chun siúil? Táim dall ar an Tiarna agus ní ligfidh mé Iosrael chun siúil."

3"Tháinig Dia na nEabhrach an treo chugainn," ar siad; "tabhair cead dúinn aistear trí lá a dhéanamh isteach san fhásach chun íobairt a dhéanamh don Tiarna ár nDia le heagla go dtiocfadh sé sa mhullach orainn le plá nó le faobhar claímh."

4Dúirt rí na hÉigipte leo: "A Mhaois agus a Árón, cad chuige daoibh an pobal a bhreith óna saothar. Téigí i mbun bhur gcuid oibre!"

5Agus lean Forann air: "Seo iad pobal na tíre dulta i líonmhaire agus an áil libh saoire a thabhairt dóibh ona saothar?"

Breis Cruatain

6An lá ceannann céanna sin thug Forann ordú do shaoistí saothair an phobail agus do na maoir:

7"Ná tugaigí tuí don phobal feasta chun na brící a dhéanamh, rud a dhéanadh sibh - téidís agus cruinnídís tuí dóibh féin.

8Ach an líon brící a dhéanaidís go dtí seo, bíodh sin de thasc agaibh orthu, gan aon laghdú ar bith air. Díomhaointeas atá orthu; uime sin a ghlaonn siad: 'Téanaigí agus déanaimis íobairt chun ár nDé.'

9Cuirtear breis oibre ar na fir seo i dtreo go gcaithfidh siad luí léi agus gan a bheith ag cur spéise i mbriathra baotha."

[10] Então, saíram os superintendentes do povo e seus capatazes e falaram ao povo: Assim diz Faraó: Não vos darei palha.

[11] Ide vós mesmos e ajuntai palha onde a puderdes achar; porque nada se diminuirá do vosso trabalho.

[12] Então, o povo se espalhou por toda a terra do Egito a ajuntar restolho em lugar de palha.

[13] Os superintendentes os apertavam, dizendo: Acabai vossa obra, a tarefa do dia, como quando havia palha.

[14] E foram açoitados os capatazes dos filhos de Israel, que os superintendentes de Faraó tinham posto sobre eles; e os superintendentes lhes diziam: Por que não acabastes nem ontem, nem hoje a vossa tarefa, fazendo tijolos como antes?

Os israelitas queixam-se de Moisés e Arão

[15] Então, foram os capatazes dos filhos de Israel e clamaram a Faraó, dizendo: Por que tratas assim a teus servos?

[16] Palha não se dá a teus servos, e nos dizem: Fazei tijolos. Eis que teus servos são açoitados; porém o teu próprio povo é que tem a culpa.

[17] Mas ele respondeu: Estais ociosos, estais ociosos; por isso, dizeis: Vamos, sacrifiquemos ao SENHOR.

Breis Saothair

[10]Chuaigh saoistí saothair an phobail agus na maoir amach agus dúradar leis an bpobal: "Seo mar a deir Forann: 'Ní thabharfaidh mé tuí daoibh.

[11]Imígí féin agus cruinnígí tuí daoibh féin cibé áit ina mbeidh fáil agaibh uirthi. Ach ní lúide aon phioc bhur dtasc an méid sin.' "

[12]Amach leis an bpobal ar fud chríocha na hÉigipte ag bailiú coinlíní le haghaidh tuí.

[13]Luigh na saoistí orthu á rá: "Comhlíonaigí bhur saothar, bhur dtasc lae, faoi mar nuair a bhí soláthar tuí ann daoibh."

[14]Agus na maoir a cheap na saoistí saothair os cionn chlann Iosrael, sciúrsáladh iad agus fiafraíodh díobh: "Cén fáth nach bhfuil líon bhur dtasc de bhrící déanta agaibh inné ná inniu mar a bhíodh cheana?"

[15]Maoir chlann Iosrael, chuadar go Forann agus rinneadar gearán: "Cad chuige a gcaitheann tú mar sin le do shearbhóntaí?" ar siad.

[16]"Níl aon tuí á soláthar do do shearbhóntaí, ach liútar éitear orainn: 'Déanaigí brící! ' Agus seo anois do shearbhóntaí á sciúrsáil, ach [is ar] do mhuintir féin an locht."

[17]"Díomhaointeas agus a thuilleadh den díomhaointeas atá oraibh," ar sé. "Uime sin a deir sibh: 'Téanaigí agus déanaimis íobairt don Tiarna.'

[18] Ide, pois, agora, e trabalhai; palha, porém, não se vos dará; contudo, dareis a mesma quantidade de tijolos.

[19] Então, os capatazes dos filhos de Israel se viram em aperto, porquanto se lhes dizia: Nada diminuireis dos vossos tijolos, da vossa tarefa diária.

[20] Quando saíram da presença de Faraó, encontraram Moisés e Arão, que estavam à espera deles;

[21] e lhes disseram: Olhe o SENHOR para vós outros e vos julgue, porquanto nos fizestes odiosos aos olhos de Faraó e diante dos seus servos, dando-lhes a espada na mão para nos matar.

[22] Então, Moisés, tornando-se ao SENHOR, disse: Ó SENHOR, por que afligiste este povo? Por que me enviaste?

[23] Pois, desde que me apresentei a Faraó, para falar-lhe em teu nome, ele tem maltratado este povo; e tu, de nenhuma sorte, livraste o teu povo.

Êxodo 6

[1] Disse o SENHOR a Moisés: Agora, verás o que hei de fazer a Faraó; pois, por mão poderosa, os deixará ir e, por mão poderosa, os lançará fora da sua terra.

Deus promete livrar os israelitas

[2] Falou mais Deus a Moisés e lhe disse: Eu sou o SENHOR.

[18]Imígí libh dá bhrí sin agus téigí i mbun bhur saothair. Ní bhfaighidh sibh tuí ar bith, ach caithfidh sibh an líon céanna brící a chur ar fáil.”

[19]Is maith a bhí a fhios ag maoir chlann Iosrael gurbh olc an áit ina rabhadar agus é á rá leo: “Ní dhéanfaidh sibh laghdú ar bith ar líon bhur mbrící in aghaidh an lae.”

[20]Ar an tslí amach dóibh ó láthair Fhorainn bhuail siad le Maois agus Árón a bhí ag feitheamh leo;

[21]agus dúradar leo: “Go bhféacha an Tiarna anuas oraibh agus go dtuga sé breith oraibh mar chuir sibh olc ar Fhorann agus ar a shearbhóntaí chugainn, agus tá claíomh curtha ina láimh agaibh chun sinn a mharú.”

[22]Agus d'fhill Maois arís ar an Tiarna: “Cad chuige duit, a Thiarna,” ar sé, “caitheamh chomh dian sin le do phobal? Cad chuige duit mé a sheoladh uait riamh?

[23]Óir ó tháinig mé go Forann agus gur labhair mé leis i d'ainmse, is olc an íde atá á himirt aige ar an bpobal seo, gan tusa á bhfuascailt ar aon chor.”

Eaxodus 6

[1]Ach dúirt an Tiarna le Maois: “Feicfidh tú anois féin céard a dhéanfaidh mise le Forann. Le láimh láidir, sea le láimh láidir, a chaithfidh sé ligean dóibh imeacht as a thír.”

Insint Eile ar Ghlaoch Mhaois

[2]Labhair Dia le Maois: “Mise an Tiarna.

3 Apareci a Abraão, a Isaque e a Jacó como Deus Todo-Poderoso; mas pelo meu nome, O SENHOR, não lhes fui conhecido.

3Thaispeánas mé féin d'Abrahám, d'Íosác, agus do Iacób faoin ainm ‘Dia Uilechumhachtach’; ach níor chuireas mé féin in aithne dóibh faoi m'ainm féin ‘an Tiarna.’

4 Também estabeleci a minha aliança com eles, para dar-lhes a terra de Canaã, a terra em que habitaram como peregrinos.

4Dhaingnigh mé mo chonradh leo go dtabharfainn dóibh tír Chanán, an tír ina rabhadar ina ndeoraithe.

5 Ainda ouvi os gemidos dos filhos de Israel, os quais os egípcios escravizam, e me lembrei da minha aliança.

5D'éist mé chomh maith le cneadaíl chlann Iosrael atá i ndaoirse ag na hÉigiptigh agus chuimhnigh mé ar mo chonradh.

6 Portanto, dize aos filhos de Israel: eu sou o SENHOR, e vos tirarei de debaixo das cargas do Egito, e vos livrarei da sua servidão, e vos resgatarei com braço estendido e com grandes manifestações de julgamento.

6Abair dá bhrí sin le clann Iosrael: ‘Mise an Tiarna. Déanfaidh mé sibh a fhuascailt ó na hualaí a leagann na hÉigiptigh oraibh agus saorfaidh mé sibh ó dhaoirse fúthu; agus fuasclóidh mé sibh le láimh ar tinneall agus le hollbhearta breithiúnais.

7 Tomar-vos-ei por meu povo e serei vosso Deus; e sabereis que eu sou o SENHOR, vosso Deus, que vos tiro de debaixo das cargas do Egito.

7Glacfaidh mé chugam féin sibh mar phobal liom agus beidh mise agaibh mar Dhia. Beidh a fhios agaibh ansin gur mise an Tiarna bhur nDia, a d'fhuascail sibh ó ualaí na nÉigipteach.

8 E vos levarei à terra a qual jurei dar a Abraão, a Isaque e a Jacó; e vo-la darei como possessão. Eu sou o SENHOR.

8Agus seolfaidh mé sibh isteach sa tír a gheall mé a thabhairt d'Abrahám, agus d'Íosác agus do Iacób; tabharfaidh mé daoibh é mar shealús. Mise an Tiarna.’ ”

9 Desse modo falou Moisés aos filhos de Israel, mas eles não atenderam a Moisés, por causa da ânsia de espírito e da dura escravidão.

9Labhair Maois amhlaidh sin le clann Iosrael, ach thugadar an chluas bhodhar dó le heaspa misnigh agus le crá na daoirse.

10 Falou mais o SENHOR a Moisés, dizendo:

10Ansin dúirt an Tiarna le Maois:

11 Vai ter com Faraó, rei do Egito, e fala-lhe que deixe sair de sua terra os filhos de Israel.

11“Isteach leat! Abair le Forann, rí na hÉigipte, a ligean do chlann Iosrael dul óna thír amach.”

[12] Moisés, porém, respondeu ao SENHOR, dizendo: Eis que os filhos de Israel não me têm ouvido; como, pois, me ouvirá Faraó? E não sei falar bem.

[12]Ach labhair Maois agus dúirt le béal an Tiarna: “Féach murar éist clann Iosrael liom, conas, más ea, a éistfidh Forann liom agus tutbhéalaíocht orm?”

[13] Não obstante, falou o SENHOR a Moisés e a Arão e lhes deu mandamento para os filhos de Israel e para Faraó, rei do Egito, a fim de que tirassem os filhos de Israel da terra do Egito.

[13]Ach labhair an Tiarna le Maois agus le hÁrón agus d'ordaigh sé dóibh araon dul go Forann, rí na hÉigipte, agus clann Iosrael a thabhairt amach as tír na hÉigipte.

Genealogias de Moisés e Arão

Ginealach Mhaois agus Árón

[14] São estes os chefes das famílias: os filhos de Rúben, o primogênito de Israel: Enoque, Palu, Hezrom e Carmi; são estas as famílias de Rúben.

[14]Seo leanas cinn a dteaghlaigh. Clann mhac Reúbaen, céadghin Iosrael: Hanóc agus Palú agus Haezron agus Cairmi; sin iad sliocht Reúbaen.

[15] Os filhos de Simeão: Jemuel, Jamim, Oade, Jaquim, Zoar e Saul, filho de uma cananéia; são estas as famílias de Simeão.

[15]Clann Shimeon: Iamúél agus Iáimín agus Óhad agus Iáicín agus Zochar agus Seáúl mac mná Canánaí: sin iad sliocht Shimeon.

[16] São estes os nomes dos filhos de Levi, segundo as suas gerações: Gérson, Coate e Merari; e os anos da vida de Levi foram cento e trinta e sete.

[16]Seo iad ainmneacha chlann Léiví de réir a nginealach: Géirseon agus Cohát agus Marárái. Bhí céad agus a daichead a seacht mbliana d'fhad saoil ag Léiví.

[17] Os filhos de Gérson: Libni e Simei, segundo as suas famílias.

[17]Clann mhac Ghéirseon: Libní agus Simí de réir a gclann.

[18] Os filhos de Coate: Anrão, Isar, Hebrom e Uziel; e os anos da vida de Coate foram cento e trinta e três.

[18]Agus seo iad clann mhac Chohát: Amrám agus Izeár, Heabrón agus Uizíéil. Bhí céad agus a tríocha trí bliana d'fhad saoil ag Cohát.

[19] Os filhos de Merari: Mali e Musi; são estas as famílias de Levi, segundo as suas gerações.

[19]Seo iad clann mhac Mhararaí: Mailí agus Múisí. Sin iad sliocht Léiví de réir a nginealach.

[20] Anrão tomou por mulher a Joquebede, sua tia; e ela lhe deu a Arão e Moisés; e os anos da vida de Anrão foram cento e trinta e sete.

[20]Ghabh Amrám Iócabad deirfiúr a athar mar bhean agus rug sí Árón agus Maois dó. Bhí céad agus a tríocha seacht mbliana d'fhad saoil ag Amrám.

[21] Os filhos de Isar: Corá, Nefegue e Zicri.

[22] Os filhos de Uziel: Misael, Elzafã e Sitri.

[23] Arão tomou por mulher a Eliseba, filha de Aminadabe, irmã de Naassom; e ela lhe deu à luz Nadabe, Abiú, Eleazar e Itamar.

[24] Os filhos de Corá: Assir, Elcana e Abiasafe; são estas as famílias dos coraítas.

[25] Eleazar, filho de Arão, tomou por mulher, para si, uma das filhas de Putiel; e ela lhe deu à luz Finéias; são estes os chefes de suas casas, segundo as suas famílias.

[26] São estes Arão e Moisés, aos quais o SENHOR disse: Tirai os filhos de Israel da terra do Egito, segundo as suas hostes.

[27] São estes que falaram a Faraó, rei do Egito, a fim de tirarem do Egito os filhos de Israel; são estes Moisés e Arão.

Moisés fala novamente a Faraó

[28] No dia em que o SENHOR falou a Moisés na terra do Egito,

[29] disse o SENHOR a Moisés: Eu sou o SENHOR; dize a Faraó, rei do Egito, tudo o que eu te digo.

[30] Respondeu Moisés na presença do SENHOR: Eu não sei falar bem; como, pois, me ouvirá Faraó?

Êxodo 7

[1] Então, disse o SENHOR a Moisés: Vê que te constituí como Deus sobre Faraó, e Arão, teu irmão, será teu profeta.

[21]Seo iad clann mhac Izeár: Corach agus Neifig agus Zicrí.

[22]Clann mhac Uizíél: Míseáél agus Ealzáfán agus Sitrí.

[23]Phós Árón Eilíseaba iníon Amaíneádáb, deirfiúr Naiseon; agus rug sí dó Nádáb agus Aibíchiú, Eileázár agus Íteámár.

[24]Seo iad clann Chorach: Aisír agus Ealcáná agus Aibíásáf; sin iad sliocht na gCorachach.

[25]Eileázár mac Árón ghabh sé iníon Phúitíél mar bhean agus rug sí Pineachás dó. Sin iad ceapa clanna na Léivíteach de réir a dteaghlach.

[26]Siúd iad an tÁrón agus an Maois a ndúirt an Tiarna leo: “Tabhair clann Iosrael as tír na hÉigipte ina sluaite faoi eagar.”

[27]Iadsan, an Maois céanna seo agus an tÁrón céanna, a labhair le Forann, rí na hÉigipte, faoi chlann Iosrael a thabhairt amach as an Éigipt.

A nGlaoch Arís

[28]An lá a labhair an Tiarna le Maois i dtír na hÉigipte,

[29]dúirt sé leis mar leanas: “Mise an Tiarna. Abair le Forann, rí na hÉigipte, a bhfuil á rá agam leat.”

[30]Ach dúirt Maois le béal an Tiarna: “Tá tutbhéalaíocht orm. Conas mar sin go n-éisteodh Forann liomsa?”

Eaxodus 7

[1]Dúirt an Tiarna le Maois: “Féach! déanfaidh mé dia díot d'Fhorann agus beidh Árón do dheartháir mar fháidh agat.

[2] Tu falarás tudo o que eu te ordenar; e Arão, teu irmão, falará a Faraó, para que deixe ir da sua terra os filhos de Israel.

[3] Eu, porém, endurecerei o coração de Faraó e multiplicarei na terra do Egito os meus sinais e as minhas maravilhas.

[4] Faraó não vos ouvirá; e eu porei a mão sobre o Egito e farei sair as minhas hostes, o meu povo, os filhos de Israel, da terra do Egito, com grandes manifestações de julgamento.

[5] Saberão os egípcios que eu sou o SENHOR, quando estender eu a mão sobre o Egito e tirar do meio deles os filhos de Israel.

[6] Assim fez Moisés e Arão; como o SENHOR lhes ordenara, assim fizeram.

[7] Era Moisés de oitenta anos, e Arão, de oitenta e três, quando falaram a Faraó.

[8] Falou o SENHOR a Moisés e a Arão:

[9] Quando Faraó vos disser: Fazei milagres que vos acreditem, dirás a Arão: Toma o teu bordão e lança-o diante de Faraó; e o bordão se tornará em serpente.

[10] Então, Moisés e Arão se chegaram a Faraó e fizeram como o SENHOR lhes ordenara; lançou Arão o seu bordão diante de Faraó e diante dos seus oficiais, e ele se tornou em serpente.

[11] Faraó, porém, mandou vir os sábios e encantadores; e eles, os sábios do Egito,

[2]Caithfidh tú féin gach a n-ordóidh mé duit a insint dó agus déarfaidh Árón le Forann clann Iosrael a ligean as a thír.

[3]Déanfaidh mise croí Fhorainn a chruachan agus comharthaí agus míorúiltí a chur i ngníomh i dtír na hÉigipte.

[4]Ní éisteoidh Forann libhse; agus leagfaidh mise dá bhrí sin mo lámh ar an Éigipt agus seolfaidh mé mo shluaite, mo phobal, clann Iosrael amach as tír na hÉigipte le héachtaí breithiúnais.

[5]Agus tabharfar le fios do na hÉigiptigh go léir gur mise an Tiarna nuair a shínfidh mé mo lámh in aghaidh na hÉigipte agus a thabharfaidh mé clann Iosrael amach óna measc."

[6]Rinne Maois agus Árón amhlaidh; rinneadar gach a ndúirt an Tiarna leo.

[7]Bhí Maois ceithre fichid bliain d'aois agus Árón trí bliana agus ceithre fichid nuair a labhraíodar le Forann.

An tSlat ina Nathair

[8]Dúirt an Tiarna le Maois agus le hÁrón:

[9]"Nuair a déarfaidh Forann libh: 'Déanaigí míorúilt mar chruthúnas oraibh féin, ' ní foláir duitse a rá le hÁrón: 'Tóg do shlat agus caith síos ansiúd ar bhéala Fhorainn í agus déantar nathair nimhe di.' "

[10]Chuaigh Maois agus Árón dá bhrí sin go Forann agus rinneadar mar a d'ordaigh an Tiarna dóibh. Chaith Árón a shlat síos ar bhéala Fhorainn agus a shearbhóntaí agus rinneadh nathair nimhe di.

[11]Ansin chuir Forann chomh maith fios ar a shaoithe agus ar a asarlaithe agus le barr

fizeram também o mesmo com as suas ciências ocultas.

[12] Pois lançaram eles cada um o seu bordão, e eles se tornaram em serpentes; mas o bordão de Arão devorou os bordões deles.

[13] Todavia, o coração de Faraó se endureceu, e não os ouviu, como o SENHOR tinha dito.

Primeira praga: as águas tornam-se em sangue

[14] Disse o SENHOR a Moisés: O coração de Faraó está obstinado; recusa deixar ir o povo.

[15] Vai ter com Faraó pela manhã; ele sairá às águas; estarás à espera dele na beira do rio, tomarás na mão o bordão que se tornou em serpente

[16] e lhe dirás: O SENHOR, o Deus dos hebreus, me enviou a ti para te dizer: Deixa ir o meu povo, para que me sirva no deserto; e, até agora, não tens ouvido.

[17] Assim diz o SENHOR: Nisto saberás que eu sou o SENHOR: com este bordão que tenho na mão ferirei as águas do rio, e se tornarão em sangue.

[18] Os peixes que estão no rio morrerão, o rio cheirará mal, e os egípcios terão nojo de beber água do rio.

[19] Disse mais o SENHOR a Moisés: Dize a Arão: toma o teu bordão e estende a mão sobre as águas do Egito, sobre os seus rios, sobre os seus canais, sobre as suas lagoas e sobre todos os seus reservatórios, para

draíochta rinne draíodóirí na hÉigipte mar an gcéanna.

[12]Chaith gach duine díobh a shlat uaidh ar an talamh agus rinneadh nathair nimhe di. Ach shlog slat Árón slata na ndraíodóirí.

[13]Ach bhí croí Fhorainn cruaite agus ní éisteodh sé leo faoi mar a dúirt an Tiarna.

An Chéad Phlá

[14]Ansin dúirt an Tiarna le Maois: “Tá croí Fhorainn ina chloch. Diúltaíonn sé ligean don phobal imeacht.

[15]Éirigh go Forann ar maidin agus é ag dul chun an uisce, agus fan leis ar bhruach na habhann agus tabhair leat i do láimh an tslat a ndearnadh nathair nimhe di.

[16]Abair leis mar seo: ‘Sheol an Tiarna, Dia na nEabhrach, mise chugat á rá: Lig do mo phobal imeacht go ndéanfaidh siad íobairt dom san fhásach; féach, níor thug tú aon toradh orm fós.

[17]Mar seo a deir an Tiarna: Tabharfar le fios duit ar an gcuma seo gur mise an Tiarna: leis an tslat seo i mo láimh buailfidh mé uisce na habhann agus déanfar fuil de.

[18]Gheobhaidh na héisc san abhainn bás agus bréanfaidh an t-uisce agus beidh an ghráin ag na hÉigiptigh ar uisce a ól aisti.’ ”

[19]Dúirt an Tiarna le Maois: “Abair le hÁrón: ‘Tóg do shlat agus sín do lámh os cionn uiscí na hÉigipte ar fad, os cionn a n-aibhneacha agus os cionn a gcanálacha, os cionn a mbogach agus os cionn a linnte

que se tornem em sangue; haja sangue em toda a terra do Egito, tanto nos vasos de madeira como nos de pedra.

[20] Fizeram Moisés e Arão como o SENHOR lhes havia ordenado: Arão, levantando o bordão, feriu as águas que estavam no rio, à vista de Faraó e seus oficiais; e toda a água do rio se tornou em sangue.

[21] De sorte que os peixes que estavam no rio morreram, o rio cheirou mal, e os egípcios não podiam beber a água do rio; e houve sangue por toda a terra do Egito.

[22] Porém os magos do Egito fizeram também o mesmo com as suas ciências ocultas; de maneira que o coração de Faraó se endureceu, e não os ouviu, como o SENHOR tinha dito.

[23] Virou-se Faraó e foi para casa; nem ainda isso considerou o seu coração.

[24] Todos os egípcios cavaram junto ao rio para encontrar água que beber, pois das águas do rio não podiam beber.

[25] Assim se passaram sete dias, depois que o SENHOR feriu o rio.

Êxodo 8

Segunda praga: rãs

[1] Depois, disse o SENHOR a Moisés: Chega-te a Faraó e dize-lhe: Assim diz o SENHOR: Deixa ir o meu povo, para que me sirva.

i dtreo go ndéanfar fuil díobh go léir ar fud tír na hÉigipte, go fiú lán an tobáin agus an chrúsca.' ”

[20]Rinne Maois agus Árón mar a d'ordaigh an Tiarna dóibh. D'ardaigh sé a shlat i bhfianaise Fhorainn agus i bhfianaise a shearbhóntaí, agus bhuail sé an t-uisce a bhí san abhainn agus rinneadh fuil dá raibh d'uisce san abhainn.

[21]Fuair an t-iasc a bhí san abhainn bás agus bhréan an abhainn i dtreo nár fhéad na hÉigiptigh uisce a ól aisti; agus bhí fuil ar fud thalamh na hÉigipte go léir.

[22]Ach rinne draíodóirí na hÉigipte mar an gcéanna lena gcleasa draíochta; agus d'fhan croí Fhorainn crua mar a bhí agus, faoi mar a bhí ráite ag an Tiarna, ní éisteodh sé leo.

[23]D'fhill Forann agus d'imigh ar ais chun a thí agus níor thóg sé ceann fiú amháin de seo.

[24]Rinne na hÉigiptigh go léir poill a thochailt ar feadh na habhann chun uisce a fháil le hól mar nárbh fhéidir leo uisce na habhann a ól.

[25]Ghabh seacht lá thart tar éis don Tiarna an abhainn a bhualadh.

Eaxodus 8

An Dara Plá

[1]Ansin labhair an Tiarna le Maois: “Imigh isteach go Forann agus abair leis mar seo: ‘Mar seo a deir an Tiarna: Lig do mo phobal imeacht i dtreo go ndéanfaidh siad íobairt dom.

[2] Se recusares deixá-lo ir, eis que castigarei com rãs todos os teus territórios.

[3] O rio produzirá rãs em abundância, que subirão e entrarão em tua casa, e no teu quarto de dormir, e sobre o teu leito, e nas casas dos teus oficiais, e sobre o teu povo, e nos teus fornos, e nas tuas amassadeiras.

[4] As rãs virão sobre ti, sobre o teu povo e sobre todos os teus oficiais.

[5] Disse mais o SENHOR a Moisés: Dize a Arão: Estende a mão com o teu bordão sobre os rios, sobre os canais e sobre as lagoas e faze subir rãs sobre a terra do Egito.

[6] Arão estendeu a mão sobre as águas do Egito, e subiram rãs e cobriram a terra do Egito.

[7] Então, os magos fizeram o mesmo com suas ciências ocultas e fizeram aparecer rãs sobre a terra do Egito.

[8] Chamou Faraó a Moisés e a Arão e lhes disse: Rogai ao SENHOR que tire as rãs de mim e do meu povo; então, deixarei ir o povo, para que ofereça sacrifícios ao SENHOR.

[9] Falou Moisés a Faraó: Digna-te dizer-me quando é que hei de rogar por ti, pelos teus oficiais e pelo teu povo, para que as rãs sejam retiradas de ti e das tuas casas e fiquem somente no rio.

[2]Ach má dhiúltaíonn tú ligean dóibh imeacht, féach cuirfidh mé brat froganna mar phlá ar do chríocha go léir.

[3]Beidh an Níl ar snámh le froganna; tiocfaidh siad suas isteach i do theach agus i do sheomra leapa agus i dtithe do shearbhóntaí agus do mhuintire, isteach i do oighinn agus i do losaidí.

[4]Siúlfaidh siad aníos ort féin agus ar do mhuintir, ar do shearbhóntaí go léir.' "

[5]Dúirt an Tiarna le Maois: "Abair le hÁrón: 'Sín amach do lámh agus an tslat inti os cionn na n-aibhneacha, os cionn na gcanálacha agus os cionn na linnte agus tabhair froganna thar chríocha na hÉigipte.' "

[6]Agus shín Árón a lámh os cionn uiscí na hÉigipte agus tháinig na froganna aníos agus chlúdaíodar talamh na hÉigipte go léir.

[7]Ach rinne na draíodóirí mar an gcéanna le barr draíochta agus thugadar froganna ar thalamh na hÉigipte.

[8]Ansin ghlaoigh Forann ar Mhaois agus ar Árón agus dúirt: "Iarraigí ar an Tiarna na froganna a thógáil díomsa agus de mo mhuintir agus ligfidh mise don phobal dul agus íobairt a dhéanamh don Tiarna."

[9]Dúirt Maois le Forann: "Bíodh an chaoi seo agat chun breith amuigh orm! Nuair a ghuífidh mé ar do shonsa agus ar son do shearbhóntaí agus ar son do phobail cén uair atá le socrú agam chun na froganna a imeacht uaitse agus ó do phobal agus ó do thithe agus iad a fhagáil sa Níl amháin?"

[10] Ele respondeu: Amanhã. Moisés disse: Seja conforme a tua palavra, para que saibas que ninguém há como o SENHOR, nosso Deus.

[11] Retirar-se-ão as rãs de ti, e das tuas casas, e dos teus oficiais, e do teu povo; ficarão somente no rio.

[12] Então, saíram Moisés e Arão da presença de Faraó; e Moisés clamou ao SENHOR por causa das rãs, conforme combinara com Faraó.

[13] E o SENHOR fez conforme a palavra de Moisés; morreram as rãs nas casas, nos pátios e nos campos.

[14] Ajuntaram-nas em montões e montões, e a terra cheirou mal.

[15] Vendo, porém, Faraó que havia alívio, continuou de coração endurecido e não os ouviu, como o SENHOR tinha dito.

Terceira praga: piolhos

[16] Disse o SENHOR a Moisés: Dize a Arão: Estende o teu bordão e fere o pó da terra, para que se torne em piolhos por toda a terra do Egito.

[17] Fizeram assim; Arão estendeu a mão com seu bordão e feriu o pó da terra, e houve muitos piolhos nos homens e no gado; todo o pó da terra se tornou em piolhos por toda a terra do Egito.

[18] E fizeram os magos o mesmo com suas ciências ocultas para produzirem piolhos, porém não o puderam; e havia piolhos nos homens e no gado.

[10]“Amárach,” ar seisean. “Bíodh mar a deir tú,” arsa Maois, “i dtreo go mbeadh a fhios agat nach bhfuil aon neach mar an Tiarna ar nDia.

[11]Imeoidh na froganna uait féin agus ó do thithe agus ó do sheirbhísigh agus ó do phobal; ní fhágfar iad ach sa Níl.”

[12]Ghabh Maois agus Árón amach ó láthair Fhorainn agus rinne Maois achainí chun an Tiarna i dtaobh na bhfroganna a sheol sé sa mhullach ar Fhorann.

[13]Rinne an Tiarna de réir mar d'iarr Maois; cailleadh na froganna sna tithe, sna clóis, agus sna machairí.

[14]Bailíodh le chéile ina gcruacha iad agus bhí an talamh bréan acu.

[15]Ach a luaithe a tuigeadh d'Fhorann go raibh cairde faighte aige, chruaigh sé a chroí agus, mar a dúirt an Tiarna, ní thabharfadh sé cluas dóibh.

An Tríú Plá

[16]Ansin dúirt an Tiarna le Maois: “Abair le hÁrón: ‘Sín amach do shlat os cionn luaithreach na talún i dtreo go ndéanfar corrmhíola de ar fud chríocha na hÉigipte go léir.’ ”

[32] Suspendê-lo-ás sobre quatro colunas de madeira de acácia, cobertas de ouro; os seus colchetes serão de ouro, sobre quatro bases de prata.

[32]Crochfaidh tú é ar cheithre pollaí d'adhmad sitím arna gcumhdach d'ór, le naisc óir agus iad luite i gceithre mhoirtís airgid.

[33] Pendurarás o véu debaixo dos colchetes e trarás para lá a arca do Testemunho, para dentro do véu; o véu vos fará separação entre o Santo Lugar e o Santo dos Santos.

[33]Crochfaidh tú an fial ó na naisc agus ansiúd ar chúl an fhéil cuirfidh tú áirc na Fianaise agus beidh an fial agat mar dheighilt idir an áit naofa agus an áit shárnaofa.

[34] Porás a coberta do propiciatório sobre a arca do Testemunho no Santo dos Santos.

[34]Cuirfidh tú cathaoir na trocaire ar bharr na háirce istigh san áit shárnaofa.

[35] A mesa porás fora do véu e o candelabro, defronte da mesa, ao lado do tabernáculo, para o sul; e a mesa porás para o lado norte.

[35]Cuirfidh tú an bord taobh amuigh den fhial, agus an coinnleoir ar an taobh theas den taibearnacal, os comhair an bhoird sall. Cuirfidh tú an bord ar an taobh thuaidh.

[36] Farás também para a porta da tenda um reposteiro de estofo azul, e púrpura, e carmesim, e linho fino retorcido, obra de bordador.

[36]Déanfaidh tú scáthlán do dhoras an taibearnacail, d'ábhar gorm, corcra, agus craorag, agus de linéadach cas mín, agus gréasadh snáthaide mar mhaise air.

[37] Para este reposteiro farás cinco colunas de madeira de acácia e as cobrirás de ouro;

[37]Agus déanfaidh tú cúig pollaí sitím don scáthlán, agus cumhdóidh tú iad le hór,

os seus colchetes serão de ouro, e para elas fundirás cinco bases de bronze.

agus beidh naisc óir orthu; déanfaidh tú cúig ceapa cré-umha a theilgean dóibh."

Êxodo 27

O altar do holocausto

Êxodo 38.1-7

[1] Farás também o altar de madeira de acácia; de cinco côvados será o seu comprimento, e de cinco, a largura (será quadrado o altar), e de três côvados, a altura.

[2] Dos quatro cantos farás levantar-se quatro chifres, os quais formarão uma só peça com o altar; e o cobrirás de bronze.

[3] Far-lhe-ás também recipientes para recolher a sua cinza, e pás, e bacias, e garfos, e braseiros; todos esses utensílios farás de bronze.

[4] Far-lhe-ás também uma grelha de bronze em forma de rede, à qual farás quatro argolas de metal nos seus quatro cantos,

[5] e as porás dentro do rebordo do altar para baixo, de maneira que a rede chegue até ao meio do altar.

[6] Farás também varais para o altar, varais de madeira de acácia, e os cobrirás de bronze.

[7] Os varais se meterão nas argolas, de um e de outro lado do altar, quando for levado.

[8] Oco e de tábuas o farás; como se te mostrou no monte, assim o farão.

O átrio do tabernáculo

Êxodo 38.9-20

[9] Farás também o átrio do tabernáculo; ao lado meridional (que dá para o sul), o

Eaxodus 27

Altóir an Uileloiscthe

[1]"Déanfaidh tú altóir d'adhmad sitím, cúig bhanlámh ar fad, agus cúig bhanlámh ar leithead; beidh an altóir cearnógach agus beidh sí trí bhanlámh ar airde.

[2]Déanfaidh tú beanna dá ceithre cuinní; beidh na beanna d'aon phíosa léi; cumhdóidh tú í le cré-umha.

[3]Déanfaidh tú miasa le breith ar a luaithreach, agus liacha, agus báisíní, agus gabhla, agus oighinn; de chré-umha a dhéanfaidh tú soithí uile na haltóra.

[4]Déanfaidh tú gráta di de chliath chré-umha, agus ceithre fáinní cré-umha ag ceithre cúinní na cléithe.

[5]Cuirfidh tú í faoi fhargán na haltóra i dtreo go sínfidh an chliath leath slí suas ar an altóir.

[6]Agus déanfaidh tú cuaillí don altóir, cuaillí d'adhmad sitím agus cumhdóidh tú iad le cré-umha;

[7]cuirfear na cuaillí trí na fáinní i dtreo go mbeidh na cuaillí ar dhá thaobh na haltóra agus í á hiompar.

[8]Déanfaidh tú an altóir de chláir, agus í folamh laistigh. Dé réir mar a taispeánadh duit ar an sliabh is ea a dhéanfaidh tú í."

Faiche an Taibernacail

[9]"Déanfaidh tú faiche an taibearnacail. Ar an taobh theas den fhaiche beidh brait

átrio terá cortinas de linho fino retorcido; o comprimento de cada lado será de cem côvados.

céad banlámh ar fad ar chliathán de, iad déanta de línéadach mín cas.

10 Também as suas vinte colunas e as suas vinte bases serão de bronze; os ganchos das colunas e as sua vergas serão de prata.

10Beidh a bhfiche polla agus a bhfiche ceap de chré-umha, ach beidh a naisc agus a mbataí d'airgead.

11 De igual modo, para o lado norte ao comprido, haverá cortinas de cem côvados de comprimento; e as suas vinte colunas e as suas vinte bases serão de bronze; os ganchos das colunas e as suas vergas serão de prata.

11Mar an gcéanna ar feadh a fhaid ar an taobh thuaidh, beidh brait céad banlámh ar fad, a bhfiche polla agus a bhfiche ceap de chré-umha, ach a naisc agus a mbataí d'airgead.

12 Na largura do átrio para o lado do ocidente, haverá cortinas de cinqüenta côvados; as colunas serão dez, e as suas bases, dez.

12Ar feadh leithe na faiche ar an taobh thiar beidh brait leathchéad banlamh le deich bpolla agus deich gceap.

13 A largura do átrio do lado oriental (para o levante) será de cinqüenta côvados.

13Beidh an fhaiche leathchéad banlámh ar leithead chun tosaigh ar an taobh thoir.

14 As cortinas para um lado da entrada serão de quinze côvados; as suas colunas serão três, e as suas bases, três.

14Ar thaobh den gheata beidh cúig bhanlámh déag de bhrait ar crochadh le trí pollaí i dtrí ceapa.

15 Para o outro lado da entrada, haverá cortinas de quinze côvados; as suas colunas serão três, e as suas bases, três.

15Ar an taobh eile den gheata beidh cúig bhanlámh déag de bhrait ar crochadh le trí pollaí i dtrí ceapa.

16 À porta do átrio, haverá um reposteiro de vinte côvados, de estofo azul, e púrpura, e carmesim, e linho fino retorcido, obra de bordador; as suas colunas serão quatro, e as suas bases, quatro.

16Do gheata na faiche beidh cliath fiche banlámh ar fad, í déanta d'ábhar gorm agus corcra agus craorag, agus de línéadach mín cas agus gréasadh d'obair shnáthaide ann; beidh ceithre pholla lena gceithre ceapa aici.

17 Todas as colunas ao redor do átrio serão cingidas de vergas de prata; os seus ganchos serão de prata, mas as suas bases, de bronze.

17Beidh na pollaí go léir timpeall na faiche dlúite le chéile le bataí airgid; beidh a naisc d'airgead agus a gceapa de chré-umha.

[18] O átrio terá cem côvados de comprimento, e cinqüenta de largura por todo o lado, e cinco de altura; as suas cortinas serão de linho fino retorcido, e as suas bases, de bronze.

[19] Todos os utensílios do tabernáculo em todo o seu serviço, e todas as suas estacas, e todas as estacas do átrio serão de bronze.

O azeite para o candelabro
Levítico 24.1-4

[20] Ordenarás aos filhos de Israel que te tragam azeite puro de oliveira, batido, para o candelabro, para que haja lâmpada acesa continuamente.

[21] Na tenda da congregação fora do véu, que está diante do Testemunho, Arão e seus filhos a conservarão em ordem, desde a tarde até pela manhã, perante o SENHOR; estatuto perpétuo será este a favor dos filhos de Israel pelas suas gerações.

Êxodo 28

Deus escolhe Arão e seus filhos para sacerdotes

[1] Faze também vir para junto de ti Arão, teu irmão, e seus filhos com ele, dentre os filhos de Israel, para me oficiarem como sacerdotes, a saber, Arão e seus filhos Nadabe, Abiú, Eleazar e Itamar.

As vestes sacerdotais
Êxodo 39.1-31

[2] Farás vestes sagradas para Arão, teu irmão, para glória e ornamento.

[3] Falarás também a todos os homens hábeis a quem enchi do espírito de sabedoria, que façam vestes para Arão

[18]Beidh an fhaiche céad banlámh ar fad, leathchéad ar leithead, agus cúig bhanlámh ar airde; beidh a brait de línéadach mín cas agus a ceapa de chré-umha.

[19]Gréithe uile an taibearnacail, is cuma cad is feidhm dóibh, a phionnaí go léir agus pionnaí na faiche, beidh siad de chré-umha."

Ola na Lampaí

[20]"Tabharfaidh tú ordú do chlann Iosrael go dtabharfaidh siad duit ola ológ ghlan fháiscthe don solas i dtreo go mbeidh lampa ann le bheith ar lasadh i gcónaí.

[21]Beidh Árón is a chlann mhac ina fheighil ó nóin go maidin gan stad, i láthair an Tiarna i dTaibearnacal na Teagmhála taobh amuigh den fhial atá os comhair na Fianaise. Beidh sin ina reacht le coimeád ó ghlúin go glúin ag clann Iosrael."

Eaxodus 28

Éide an tSagairt

[1]"Glac chugat de chlann Iosrael do dhearthair Árón agus a chlann mhac le bheith ina sagairt i mo sheirbhís - Árón agus a chlann mhac: Nádáb, Aibíchiú, Eileázár agus Íteámár.

[2]Déanfaidh tú éidí naofa do Árón do dhearthár dochum glóire agus maise.

[3]Tabharfaidh tú treoracha do chách a bhfuil éirim ann, iad siúd dá dtug mé éirim aigne, chun éidí Árón a dhéanamh dá choisreacan do mo shagartacht.

para consagrá-lo, para que me ministre o ofício sacerdotal.

4 As vestes, pois, que farão são estas: um peitoral, uma estola sacerdotal, uma sobrepeliz, uma túnica bordada, mitra e cinto. Farão vestes sagradas para Arão, teu irmão, e para seus filhos, para me oficiarem como sacerdotes.

4Seo iad na héidí atá le déanamh acu: lúireach agus éafód agus fallaing agus ionar bróidnithe agus ceannbheart agus crios. Déanfaidh siad éidí naofa do do dhearthair Árón agus dá mhaca le fónamh dom mar shagairt.

5 Tomarão ouro, estofo azul, púrpura, carmesim e linho fino

5Bíodh acu don ghnó ór, ábhar gorm agus corcra agus craorag agus línéadach mín cas."

An tÉafód

6 e farão a estola sacerdotal de ouro, e estofo azul, e púrpura, e carmesim, e linho fino retorcido, obra esmerada.

6"Déanfaidh siad an t-éafód d'ór agus d'ábhar gorm agus corcra agus craorag agus de línéadach mín cas fite le barr slachta.

7 Terá duas ombreiras que se unam às suas duas extremidades, e assim se unirá.

7Beidh dhá ghuailleán ceangailte dá dhá imeall á choimeád le chéile.

8 E o cinto de obra esmerada, que estará sobre a estola sacerdotal, será de obra igual, da mesma obra de ouro, e estofo azul, e púrpura, e carmesim, e linho fino retorcido.

8Agus an crios fite air a bheidh á choimeád, beidh sé den déantus céanna, d'ór, d'ábhar gorm agus corcra agus craorag agus de línéadach cas mín.

9 Tomarás duas pedras de ônix e gravarás nelas os nomes dos filhos de Israel:

9Glacfaidh tú chugat dhá chloch oinisce agus déanfaidh tú ainmneacha chlann Iosrael a ghreanadh orthu;

10 seis de seus nomes numa pedra e os outros seis na outra pedra, segundo a ordem do seu nascimento.

10sé ainmneacha acu ar chloch díobh agus na sé ainmneacha eile ar an gcloch eile, de réir ord a mbreithe.

11 Conforme a obra de lapidador, como lavores de sinete, gravarás as duas pedras com os nomes dos filhos de Israel; engastadas ao redor de ouro, as farás.

11Faoi mar a dhéanann seodóir séala a ghreanadh, sin mar a dhéanfaidh tú an dá chloch a ghreanadh le hainmneacha chlann Iosrael, agus iad a leagan i gcumhdach fiolagráin óir.

12 E porás as duas pedras nas ombreiras da estola sacerdotal, por pedras de memória

12Agus cuirfidh tú an dá chloch ar dhá ghuailleán an éafód mar chlocha cuimhne

aos filhos de Israel; e Arão levará os seus nomes sobre ambos os seus ombros, para memória diante do SENHOR.

[13] Farás também engastes de ouro

[14] e duas correntes de ouro puro; obra de fieira as farás; e as correntes de fieira prenderás nos engastes.

[15] Farás também o peitoral do juízo de obra esmerada, conforme a obra da estola sacerdotal o farás: de ouro, e estofo azul, e púrpura, e carmesim, e linho fino retorcido o farás.

[16] Quadrado e duplo, será de um palmo o seu comprimento, e de um palmo, a sua largura.

[17] Colocarás nele engaste de pedras, com quatro ordens de pedras: a ordem de sárdio, topázio e carbúnculo será a primeira ordem;

[18] a segunda ordem será de esmeralda, safira e diamante;

[19] a terceira ordem será de jacinto, ágata e ametista;

[20] a quarta ordem será de berilo, ônix e jaspe; elas serão guarnecidas de ouro nos seus engastes.

[21] As pedras serão conforme os nomes dos filhos de Israel, doze, segundo os seus nomes; serão esculpidas como sinetes, cada uma com o seu nome, para as doze tribos.

[22] Para o peitoral farás correntes como cordas, de obra trançada de ouro puro.

chlann Iosrael, agus déanfaidh Árón a n-ainmneacha a iompar ar a ghuaillí mar chuimhne i láthair an Tiarna.

[13]Déanfaidh tú cumhdaigh d'fhiolagrán óir,

[14]agus dhá shlabhra d'ór fíre, fite mar chorda, agus ceanglóidh tú na slabhraí fite do na cumhdaigh.”

Lúireach an Bhreithiúnais

[15]“Déanfaidh tú lúireach bhreithiúnais, d'obair shlachtmhar; déanfaidh tú í ar dhéantús an éafód; d'ór agus d'ábhar gorm agus corcra agus craorag, agus de línéadach mín cas a dhéanfaidh tú í.

[16]Beidh sí cearnógach, fillte uirthi féin, réise ar fad agus réise ar leithead.

[17]Leagfaidh tú ceithre shraith cloch inti: sard, tópas agus carmhogal sa chéad sraith;

[18]smaragaid, saifír, agus diamant sa dara sraith;

[19]iasaint, agáit, agus aimitis sa tríú sraith,

[20]beiril, oinisc agus seaspar sa cheathrú sraith. Beidh siad go léir ar leaba d'fhiolagrán óir.

[21]Beidh ainmneacha chlann mhac Iosrael orthu agus a dó dhéag a líon de réir líon na n-ainmneacha orthu; beidh siad greanta mar a bheadh séalaí, a ainm féin greanta ar gach ceann, ag freagairt don dá threibh déag.

[22]Déanfaidh tú slabhraí d'ór fíre, fite mar chorda, don lúireach.

[23] Também farás para o peitoral duas argolas de ouro e porás as duas argolas nas extremidades do peitoral.

[24] Então, meterás as duas correntes de ouro nas duas argolas, nas extremidades do peitoral.

[25] As duas pontas das correntes prenderás nos dois engastes e as porás nas ombreiras da estola sacerdotal na frente dele.

[26] Farás também duas argolas de ouro e as porás nas duas extremidades do peitoral, na sua orla interior junto à estola sacerdotal.

[27] Farás também duas argolas de ouro e as porás nas duas ombreiras da estola sacerdotal, abaixo, na frente dele, perto da sua juntura, sobre o cinto de obra esmerada da estola sacerdotal.

[28] E ligarão o peitoral com as suas argolas às argolas da estola sacerdotal por cima com uma fita azul, para que esteja sobre o cinto da estola sacerdotal; e nunca o peitoral se separará da estola sacerdotal.

[29] Assim, Arão levará os nomes dos filhos de Israel no peitoral do juízo sobre o seu coração, quando entrar no santuário, para memória diante do SENHOR continuamente.

[30] Também porás no peitoral do juízo o Urim e o Tumim, para que estejam sobre o coração de Arão, quando entrar perante o SENHOR; assim, Arão levará o juízo dos

[23]Déanfaidh tú dhá fháinne óir don lúireach agus iad a ghreamú dá dhá chúinne uachtaracha.

[24]Cuirfidh tú an dá shlabhra d'ór fite sa dá fháinne atá ar chúinní na lúirí.

[25]Ceanglóidh tú dhá cheann eile na slabhraí den dá chumhdach fiolagráin i slí is go ngreamóidh tú iad de ghuailleáin an éafód chun tosaigh.

[26]Déanfaidh tú dhá fháinne óir agus iad a ghreamú do dhá chúinne íochtaracha na lúirí, ar an bhfáithim laistigh le hais an éafód.

[27]Déanfaidh tú dhá fháinne óir eile agus iad a ghreamú d'íochtar dhá ghuailleán an éafód chun tosaigh in aice leis an gceangal, lastuas de chrios fite an éafód.

[28]Caithfear an lúireach a cheangal don éafód le lása gorm trína bhfáinní araon, i dtreo go luífidh sí ar chrios fite an éafód agus nach scarfadh an lúireach ón éafód.

[29]Ar an gcuma sin iompróidh Árón ainmneacha chlann mhac Iosrael i lúireach an bhreithiúnais ar a chroí nuair a rachaidh sé isteach san áit naofa, d'fhonn iad a thabhairt chun cuimhne de shíor i láthair an Tiarna.

[30]Cuirfidh tú an tÚirím agus an Tuimím sa lúireach chun go mbeidís ar chroí Árón nuair a rachaidh sé isteach i láthair an Tiarna; ar an gcuma sin iompróidh Árón

filhos de Israel sobre o seu coração diante do SENHOR continuamente.

breithiúnas chlann Iosrael ar a chroí i láthair an Tiarna de shíor.”

31 Farás também a sobrepeliz da estola sacerdotal toda de estofo azul.

32 No meio dela, haverá uma abertura para a cabeça; será debruada essa abertura, como a abertura de uma saia de malha, para que não se rompa.

33 Em toda a orla da sobrepeliz, farás romãs de estofo azul, e púrpura, e carmesim; e campainhas de ouro no meio delas.

34 Haverá em toda a orla da sobrepeliz uma campainha de ouro e uma romã, outra campainha de ouro e outra romã.

35 Esta sobrepeliz estará sobre Arão quando ministrar, para que se ouça o seu sonido, quando entrar no santuário diante do SENHOR e quando sair; e isso para que não morra.

36 Farás também uma lâmina de ouro puro e nela gravarás à maneira de gravuras de sinetes: Santidade ao SENHOR.

37 Atá-la-ás com um cordão de estofo azul, de maneira que esteja na mitra; bem na frente da mitra estará.

38 E estará sobre a testa de Arão, para que Arão leve a iniqüidade concernente às coisas santas que os filhos de Israel consagrarem em todas as ofertas de suas coisas santas; sempre estará sobre a testa

An Fhallaing

31“Déanfaidh tú fallaing an éafód go léir d'ábhar gorm.

32Beidh oscailt intí don cheann agus fáithim fite timpeall na hoscailte, dála na hoscailte i gcathéide, d'fhonn nach sracfaí í.

33Ar a fáithim íochtair cuirfidh tú maisiú de phomagránaití, d'ábhar gorm agus corcra agus craorag ar fháithim na fallainge timpeall, agus cloigíní óir eatarthu.

34Beidh siad gach re ceann, cloigín óir agus pomagránait, cloigín óir agus pomagránait, timpeall ar fháithimí na fallainge.

35Caithfidh Árón í nuair a dhéanfaidh sé seirbhís agus cloisfear a glór nuair a rachaidh sé isteach san áit naofa i láthair an Tiarna, agus nuair a thiocfaidh sé amach, á chosaint ón mbás.”

An Choróin

36“Déanfaidh tú lann d'ór fíre agus ‘Naofa don Tiarna’ a ghreanadh uirthi mar a ghreanfaí ar shéala.

37Greamóidh tú í den cheannbheart le lása glas; ar thosach na ceannbhirte a chuirfear í.

38Caithfidh Árón ar a éadan í agus iompróidh Árón air féin cibé lochtanna a bhíonn ar na hofrálacha naofa a chroisriceann clann Iosrael mar íobairtí naofa; beidh sí de shíor ar a éadan d'fhonn is go nglacfaí leo i láthair an Tiarna.

de Arão, para que eles sejam aceitos perante o SENHOR.

[39] Tecerás, quadriculada, a túnica de linho fino e farás uma mitra de linho fino e um cinto de obra de bordador.

[40] Para os filhos de Arão farás túnicas, e cintos, e tiaras; fá-los-ás para glória e ornamento.

[41] E, com isso, vestirás Arão, teu irmão, bem como seus filhos; e os ungirás, e consagrarás, e santificarás, para que me oficiem como sacerdotes.

[42] Faze-lhes também calções de linho, para cobrirem a pele nua; irão da cintura às coxas.

[43] E estarão sobre Arão e sobre seus filhos, quando entrarem na tenda da congregação ou quando se chegarem ao altar para ministrar no santuário, para que não levem iniqüidade e morram; isto será estatuto perpétuo para ele e para sua posteridade depois dele.

[39]Déanfaidh tú an t-ionar a fhí le bróidnéireacht de línéadach mín; déanfaidh tú ceannbheart de línéadach mín agus crios maisithe le hobair shnáthaide.”

Éidí na Sagart

[40]“Agus do mhaca Árón déanfaidh tú ionair agus criosanna agus boinéid, déanfaidh tú iad mar ghlóir agus mar scéimh.

[41]Cuirfidh tú iad seo ar do dheartháir Árón agus ar a mhic chomh maith leis, agus déanfaidh tú iad a ungadh agus a oirniú agus a choisreacan d'fhonn go ndéanfaidís seirbhís dom mar shagairt.

[42]Déanfaidh tú brístí línéadaigh chun a nochtacht a chlúdach ó áranna go sliasta síos.

[43]Beidh siad ar Árón agus ar a mhaca nuair a rachaidh siad isteach i mBoth na Teagmhála, nó nuair a thiocfaidh siad i gcóngar na haltóra chun seirbhís a dhéanamh sa sanctóir, le heagla go dtabharfaidís ciontacht éigin anuas orthu féin agus iad a fháil bháis. Beidh sé sin ina reacht go brách dó féin agus dá shliocht ina dhiaidh.”

Êxodo 29

O sacrifício e as cerimônias da consagração

Levítico 8.1-36

[1] Isto é o que lhes farás, para os consagrar, a fim de que me oficiem como sacerdotes: toma um novilho, e dois carneiros sem defeito,

Eaxodus 29

Coisreacan Árón agus a Mhac

[1]“Seo é an searmanas a mbainfidh tú feidhm as á gcoisreacan le fónamh dom mar shagairt. Tóg tarbh óg agus dhá reithe gan mháchail,

[2] e pães asmos, e bolos asmos, amassados com azeite, e obreias asmas untadas com azeite; de flor de farinha de trigo os farás,

[3] e os porás num cesto, e no cesto os trarás; trarás também o novilho e os dois carneiros.

[4] Então, farás que Arão e seus filhos se cheguem à porta da tenda da congregação e os lavarás com água;

[5] depois, tomarás as vestes, e vestirás Arão da túnica, da sobrepeliz, da estola sacerdotal e do peitoral, e o cingirás com o cinto de obra esmerada da estola sacerdotal;

[6] pôr-lhe-ás a mitra na cabeça e sobre a mitra, a coroa sagrada.

[7] Então, tomarás o óleo da unção e lho derramarás sobre a cabeça; assim o ungirás.

[8] Farás, depois, que se cheguem os filhos de Arão, e os vestirás de túnicas,

[9] e os cingirás com o cinto, Arão e seus filhos, e lhes atarás as tiaras, para que tenham o sacerdócio por estatuto perpétuo, e consagrarás Arão e seus filhos.

[10] Farás chegar o novilho diante da tenda da congregação, e Arão e seus filhos porão as mãos sobre a cabeça dele.

[11] Imolarás o novilho perante o SENHOR, à porta da tenda da congregação.

[12] Depois, tomarás do sangue do novilho e o porás com o teu dedo sobre os chifres do

[2]agus arán slim, builíní gan ghabháile agus iad fuinte le hola, agus abhlanna gan ghabháile agus ola leata orthu. De phlúr mín cruithneachta a dhéanfaidh tú iad.

[3]Cuirfidh tú iad seo i gcliabh agus tabharfaidh tú leat sa chliabh iad, agus an tarbh agus an dá reithe chomh maith.

[4]Béarfaidh tú Árón agus a mhac leat go doras Bhoth na Teagmhála agus nífidh tú iad le huisce.

[5]Glacfaidh tú na héidí agus gléasfaidh tú Árón san ionar, agus i bhfallaing an éafód, agus sa lúireach; agus fillfidh tú uime crios fite an éafód.

[6]Cuirfidh tú an cheannbheart ar a cheann, agus an chlóróin naofa ar an gceannbheart.

[7]Glacfaidh tú chugat ola an ungtha agus doirtfidh tú ar a cheann í agus déanfaidh tú é a ungadh ar an gcuma sin.

[8]Ansin tabharfaidh tú leat a mhaca agus cuirfidh tú ionair orthu

[9]agus fillfidh tú criosanna umpu agus cuirfidh tú boinéid orthu, agus beidh an tsagartacht acu de bhíthin reachta shíoraí. Mar sin a oirneoidh tú Árón agus a mhaca."

Na hOfrálacha

[10]"Ansin tabharfaidh tú an tarbh os comhair Bhoth na Teagmhála. Leagfaidh Árón agus a mhaca a lámha ar cheann an tairbh,

[11]agus maróidh tú an tarbh i láthair an Tiarna ag doras Bhoth na Teagmhála,

[12]agus tógfaidh tú cuid d'fhuil an tairbh agus cuimleoidh tú le do mhéar de

altar; o restante do sangue derramá-lo-ás à base do altar.

[13] Também tomarás toda a gordura que cobre as entranhas, o redenho do fígado, os dois rins e a gordura que está neles e queimá-los-ás sobre o altar;

[14] mas a carne do novilho, a pele e os excrementos, queimá-los-ás fora do arraial; é sacrifício pelo pecado.

[15] Depois, tomarás um carneiro, e Arão e seus filhos porão as mãos sobre a cabeça dele.

[16] Imolarás o carneiro, e tomarás o seu sangue, e o jogarás sobre o altar ao redor;

[17] partirás o carneiro em seus pedaços e, lavadas as entranhas e as pernas, pô-las-ás sobre os pedaços e sobre a cabeça.

[18] Assim, queimarás todo o carneiro sobre o altar; é holocausto para o SENHOR, de aroma agradável, oferta queimada ao SENHOR.

[19] Depois, tomarás o outro carneiro, e Arão e seus filhos porão as mãos sobre a cabeça dele.

[20] Imolarás o carneiro, e tomarás do seu sangue, e o porás sobre a ponta da orelha direita de Arão e sobre a ponta da orelha direita de seus filhos, como também sobre o polegar da sua mão direita e sobre o polegar do seu pé direito; o restante do sangue jogarás sobre o altar ao redor.

bheanna na haltóra í. Ansin doirtfidh tú fuílleach na fola ag bun na haltóra.

[13]Tógfaidh tú a mbíonn de mhéith ag clúdach an ionathair agus an chnapóg saille os cionn an ae, agus an dá dhuán agus a mbíonn de gheir orthu, agus loiscfidh tú ar an altóir iad.

[14]Ach feoil an tairbh, agus a chraiceann, agus a otrach, loiscfidh tú le tine iad taobh amuigh den champa; ofráil pheaca í sin."

[15]"Glacfaidh tú chugat ansin ceann de na reithí, agus leagfaidh Árón agus a mhaca a lámha ar cheann an reithe;

[16]agus maróidh tú an reithe, baileoidh tú a chuid fola agus croithfidh tú ar an altóir thart timpeall í.

[17]Ansin déanfaidh tú an reithe a roinnt ina chodanna, a ionathar agus a chosa a ní agus iad a chur leis an gceann agus na codanna,

[18]agus an reithe go léir a loscadh ar an altóir; ofráil loiscthe a bheidh inti don Tiarna; cumhracht thaitneamhach í, íobairt loiscthe don Tiarna."

[19]"Agus glacfaidh tú an reithe eile agus leagfaidh Árón agus a mhaca a lámha ar cheann an reithe.

[20]Agus déanfaidh tú an reithe a mharú agus cuid dá fhuil a thógáil agus í a chur ar mhaothán chluas dheas Árón agus ar mhaothán chluas dheas a mhac, ar ordóg a láimhe deise, ar ordóg a gcoise deise, agus an chuid eile a chroitheadh ar an altóir thart timpeall.

21 Tomarás, então, do sangue sobre o altar e do óleo da unção e os aspergirás sobre Arão e suas vestes e sobre seus filhos e as vestes de seus filhos com ele; para que ele seja santificado, e as suas vestes, e também seus filhos e as vestes de seus filhos com ele.

22 Depois, tomarás do carneiro a gordura, a cauda gorda, a gordura que cobre as entranhas, o redenho do fígado, os dois rins, a gordura que está neles e a coxa direita, porque é carneiro da consagração;

23 e também um pão, um bolo de pão azeitado e uma obreia do cesto dos pães asmos que estão diante do SENHOR.

24 Todas estas coisas porás nas mãos de Arão e nas de seus filhos e, movendo-as de um lado para outro, as oferecerás como ofertas movidas perante o SENHOR.

25 Depois, as tomarás das suas mãos e as queimarás sobre o altar; é holocausto para o SENHOR, de agradável aroma, oferta queimada ao SENHOR.

26 Tomarás o peito do carneiro da consagração, que é de Arão, e, movendo-o de um lado para outro, o oferecerás como oferta movida perante o SENHOR; e isto será a tua porção.

27 Consagrarás o peito da oferta movida e a coxa da porção que foi movida, a qual se tirou do carneiro da consagração, que é de Arão e de seus filhos.

21Ansin déanfaidh tú cuid den fhuil ar an altóir mar aon le cuid den ola ungtha a thógáil agus í a chroitheadh ar Árón agus ar a éide, ar a mhic agus ar a n-éide chomh maith; agus beidh sé féin agus a éide naofa, agus a mhic agus éide a mhac chomh maith leis."

Insealbhú na Sagart

22"Méith an reithe, an t-eireaball, a mbíonn de mhéith ag clúdach an ionathair, an chnapóg saille os cionn an ae, an dá dhuán agus a mbíonn de gheir orthu, agus an cheathrú chlé (mar is reithe insealbhaithe atá i gceist),

23builín aráin agus bairín aráin fuinte le hola, agus abhlann as an gcliabh d'arán slim a bhíonn leagtha i láthair an Tiarna -

24tógfaidh tú an méid sin agus cuirfidh tú é i lámha Árón agus i lámha a mhac; ofrálfar é mar dhleacht ar leith os comhair an Tiarna.

25Ansin déanfaidh tú é a ghlacadh ar ais óna lámha agus é a dhó ar an altóir mar aon leis an íobairt loiscthe, mar bholadh cumhra i láthair an Tiarna; beidh seo ina ofráil loiscthe in onóir an Tiarna."

26"Agus glacfaidh tú chugat ucht reithe insealbhaithe Árón agus é a ofráil mar dhleacht ar leith i láthair an Tiarna; beidh sin ina chuid ranna agat.

27Agus déanfaidh tú ucht an ofráil dhleachta a choisreacan, mar aon leis an gceathrú ó chuid ar leith na sagart, rud a ofrálfar ó reithe an insealbhaithe, óir is d'Árón agus dá mhic an méid sin.

[28] Isto será a obrigação perpétua dos filhos de Israel, devida a Arão e seus filhos, por ser a porção do sacerdote, oferecida, da parte dos filhos de Israel, dos sacrifícios pacíficos; é a sua oferta ao SENHOR.

[28]Beidh sé ag Árón agus ag a mhic mar cháin shíoraí ó chlann Iosrael; óir is é mír na sagart é, a ofrálfaidh clann Iosrael óna n-íobairtí síochána; is é a n-ofráil don Tiarna é."

[29] As vestes santas de Arão passarão a seus filhos depois dele, para serem ungidos nelas e consagrados nelas.

[29]"Beidh éidí naofa Árón ag a mhic ina dhiaidh, le haghaidh a naomhaithe agus a n-oirnithe.

[30] Sete dias as vestirá o filho que for sacerdote em seu lugar, quando entrar na tenda da congregação para ministrar no santuário.

[30]An mac a bheidh ina shagart ina ionad, caithfidh sé iad ar feadh seacht lá nuair a thiocfaidh sé isteach i mBoth na Teagmhála chun fónaimh san áit naofa."

An Séire Naofa

[31] Tomarás o carneiro da consagração e cozerás a sua carne no lugar santo;

[31]"Déanfaidh tú reithe an insealbhaithe a ghlacadh chugat agus a fheoil a bhruith in áit naofa;

[32] e Arão e seus filhos comerão a carne deste carneiro e o pão que está no cesto à porta da tenda da congregação

[32]agus íosfaidh Árón agus a mhic feoil an reithe agus an t-arán sa chliabh ag doras Bhoth na Teagmhála.

[33] e comerão das coisas com que for feita a expiação, para consagrá-los e para santificá-los; o estranho não comerá delas, porque são santas.

[33]Agus íosfaidh siad na nithe lena ndearnadh leorghníomh ar a son agus iad á n-oirniú agus á gcoisreacan; ach ní íosfaidh aon tuata aon chuid díobh, mar is naofa dóibh.

[34] Se sobrar alguma coisa da carne das consagrações ou do pão, até pela manhã, queimarás o que restar; não se comerá, porque é santo.

[34]Má fhágfar aon chuid de fheoil an oirnithe nó den arán go maidin, ansin loiscfidh tú an fuílleach le tine; ní íosfar é mar is naofa dó.

[35] Assim, pois, farás a Arão e a seus filhos, conforme tudo o que te hei ordenado; por sete dias, os consagrarás.

[35]Mar sin, de réir gach ar aithin mé duit, a dhéanfaidh tú le hÁrón agus lena mhaca; caithfidh tú seacht lá á n-insealbhú."

Altóir an Uileloiscthe

[36] Também cada dia prepararás um novilho como oferta pelo pecado para as expiações; e purificarás o altar, fazendo

[36]"Gach lá díobh ofrálfaidh tú tarbh mar íobairt pheaca ina leorghníomh; ofrálfaidh tú íobairt pheaca leis ar mhaithe leis an altóir ag déanamh leorghnímh ar a son

expiação por ele mediante oferta pelo pecado; e o ungirás para consagrá-lo.

37 Sete dias farás expiação pelo altar e o consagrarás; e o altar será santíssimo; tudo o que o tocar será santo.

Ofertas contínuas
Números 28.1-8

38 Isto é o que oferecerás sobre o altar: dois cordeiros de um ano, cada dia, continuamente.

39 Um cordeiro oferecerás pela manhã e o outro, ao pôr-do-sol.

40 Com um cordeiro, a décima parte de um efa de flor de farinha, amassada com a quarta parte de um him de azeite batido; e, para libação, a quarta parte de um him de vinho;

41 o outro cordeiro oferecerás ao pôr-do-sol, como oferta de manjares, e a libação como de manhã, de aroma agradável, oferta queimada ao SENHOR.

42 Este será o holocausto contínuo por vossas gerações, à porta da tenda da congregação, perante o SENHOR, onde vos encontrarei, para falar contigo ali.

43 Ali, virei aos filhos de Israel, para que, por minha glória, sejam santificados,

44 e consagrarei a tenda da congregação e o altar; também santificarei Arão e seus filhos, para que me oficiem como sacerdotes.

agus déanfaidh tú í a ungadh lena coisreacan.

37Déanfaidh tú leorghníomh seacht lá ar son na haltóra; déanfaidh tú í a choisreacan agus beidh barr naofachta ag an altóir; agus aon duine a bhainfidh léi beidh sé naofa.”

An Ofráil Laethúil

38“Seo a n-ofrálfaidh tú ar an altóir: dhá uan bhliana gach lá gan teip.

39Ofrálfaidh tú uan ar maidin agus an t-uan eile tráthnóna;

40leis an gcéad uan ofrálfaidh tú deachú tomhais de phlúr mín fuinte le ceathrú hín d'ola mhín, agus ceathrú hín fíona mar ofráil dí.

41Déanfaidh tú an t-uan eile a ofráil, tráthnóna idir dhá sholas, maille le hofráil arbhair agus a hofráil dí mar a bhí ar maidin, le bheith ina bholadh cumhra agus ina íobairt loiscthe don Tiarna.

42Beidh seo mar ofráil loiscthe gan stad ó ghlúin go glúin ag doras Bhoth na Teagmhála i láthair an Tiarna; ansin is ea a theagmhóidh mé libh le labhairt leat.”

43“Teagmhóidh mé le clann Iosrael ar an láthair sin agus beidh sí coisricthe ag mo ghlóir.

44Déanfaidh mé Both na Teagmhála agus an altóir a choisreacan: agus Árón chomh maith agus a mhic, déanfaidh mé iad a choisreacan le fónamh dom mar shagairt.

[45] E habitarei no meio dos filhos de Israel e serei o seu Deus.

[46] E saberão que eu sou o SENHOR, seu Deus, que os tirou da terra do Egito, para habitar no meio deles; eu sou o SENHOR, seu Deus.

Êxodo 30

O altar do incenso
Êxodo 37.25-28

[1] Farás também um altar para queimares nele o incenso; de madeira de acácia o farás.

[2] Terá um côvado de comprimento, e um de largura (será quadrado), e dois de altura; os chifres formarão uma só peça com ele.

[3] De ouro puro o cobrirás, a parte superior, as paredes ao redor e os chifres; e lhe farás uma bordadura de ouro ao redor.

[4] Também lhe farás duas argolas de ouro debaixo da bordadura; de ambos os lados as farás; nelas, se meterão os varais para se levar o altar.

[5] De madeira de acácia farás os varais e os cobrirás de ouro.

[6] Porás o altar defronte do véu que está diante da arca do Testemunho, diante do propiciatório que está sobre o Testemunho, onde me avistarei contigo.

[7] Arão queimará sobre ele o incenso aromático; cada manhã, quando preparar as lâmpadas, o queimará.

[45]Lonnóidh mé i measc chlann Iosrael agus is mé a bheidh acu mar Dhia.

[46]Beidh a fhios acu dá bhrí sin gur mise, an Tiarna, is Dia acu, an té a thug amach ó thír na hÉigipte iad d'fhonn go lonnóinn ina measc; mise an Tiarna, a nDia.”

Eaxodus 30

Altóir na Túise

[1]“Déanfaidh tú altóir chun túis a loscadh uirthi; d'adhmad sitím a dhéanfaidh tú í.

[2]Beidh sí banlámh ar fad, banlámh ar leithead - comhfhad, comhleithead, is é sin - agus dhá bhanláimh ar airde; beidh a beanna d'aon phíosa léi.

[3]Déanfaidh tú í a chumhdach d'ór fíre - a barr, a cliatháin timpeall, agus a beanna, agus í a mhaisiú le múnláil óir mórthimpeall uirthi.

[4]Déanfaidh tú dhá fháinne óir di, le cur faoin múnláil ar an dá thaobh ar aghaidh a chéile; leo seo a ghreamófar na cuaillí lena n-iomprófar í.

[5]Déanfaidh tú na cuaillí d'adhmad sitím agus iad a chumhdach le hór.

[6]Cuirfidh tú an altóir suas os comhair an fhéil atá roimh áirc na Fianaise, ar aghaidh chathaoir na trócaire atá os cionn na Fianaise, san áit ina dteagmhóidh mé leat.

[7]Loiscfidh Árón túis chumhra uirthi gach maidin; nuair a bheidh na lampaí a gcóiriú aige is ea a loiscfidh.

[8] Quando, ao crepúsculo da tarde, acender as lâmpadas, o queimará; será incenso contínuo perante o SENHOR, pelas vossas gerações.

[9] Não oferecereis sobre ele incenso estranho, nem holocausto, nem ofertas de manjares; nem tampouco derramareis libações sobre ele.

[10] Uma vez no ano, Arão fará expiação sobre os chifres do altar com o sangue da oferta pelo pecado; uma vez no ano, fará expiação sobre ele, pelas vossas gerações; santíssimo é ao SENHOR.

O pagamento do resgate

[11] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[12] Quando fizeres recenseamento dos filhos de Israel, cada um deles dará ao SENHOR o resgate de si próprio, quando os contares; para que não haja entre eles praga nenhuma, quando os arrolares.

[13] Todo aquele que passar ao arrolamento dará isto: metade de um siclo, segundo o siclo do santuário (este siclo é de vinte geras); a metade de um siclo é a oferta ao SENHOR.

[14] Qualquer que entrar no arrolamento, de vinte anos para cima, dará a oferta ao SENHOR.

[15] O rico não dará mais de meio siclo, nem o pobre, menos, quando derem a oferta ao SENHOR, para fazerdes expiação pela vossa alma.

[8]Agus idir dhá sholas tráthnóna nuair a chuirfidh Árón na lampaí suas ar ais, loiscfidh sé arís í; ní foláir na hofrálacha túise seo a loscadh i láthair an Tiarna ó ghlúin go glúin go brách.

[9]Ní ofrálfaidh tú túis gan naofacht uirthi, ná íobairt loiscthe, ná abhlann; ní dhoirtfidh tú deoch ofrála uirthi.

[10]Déanfaidh Árón leorghníomh ar a beanna uair sa bhliain; le fuil na hofrála ar son an pheaca, déanfaidh sé gnás an leorghnímh a chomhlíonadh uair sa bhliain agus beidh sin amhlaidh ó ghlúin go glúin. Tá an altóir seo sárnaofa don Tiarna."

Daonáireamh

[11]Dúirt an Tiarna le Maois:

[12]"Nuair a dhéanfaidh tú daonaireamh ar chlann Iosrael agus iad a chlárú, íocfaidh gach duine éiric fuascailte ar a shon féin leis an Tiarna chun nach mbeadh aon phlá ina measc nuair a ríomhfaidh tú iad.

[13]Gach duine a thagann faoin daonáireamh, íocfaidh sé an tsuim seo: leath seicil de réir thomhas sheicil an tsanctóra, fiche géara is é sin, agus beidh an leath seicil sin ina ofráil don Tiarna.

[14]Gach duine a ríomhtar sa daonáireamh, atá fiche bliain nó breis, caithfidh sé an tsuim a íoc leis an Tiarna.

[15]Ní thabharfaidh an saibhir níos mó, ná an daibhir níos lú, ach an leath seicil, nuair a íocfaidh sibh an ofráil leis an Tiarna ag déanamh leorghnímh ar bhur son féin.

[16] Tomarás o dinheiro das expiações dos filhos de Israel e o darás ao serviço da tenda da congregação; e será para memória aos filhos de Israel diante do SENHOR, para fazerdes expiação pela vossa alma.

[16]Agus airgead seo na héirice, a gheobhaidh tú ó chlann Iosrael, cuirfidh tú é chun tairbhe seirbhíse Bhoth na Teagmhála; agus déanfaidh sé clann Iosrael a chur i gcuimhne don Tiarna, agus beidh sé mar fhuascailt ar bhur n-anamacha."

A bacia de bronze
Êxodo 38.8

An tUmar

[17] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[17]Labhair an Tiarna le Maois agus is é a dúirt:

[18] Farás também uma bacia de bronze com o seu suporte de bronze, para lavar. Pô-la-ás entre a tenda da congregação e o altar e deitarás água nela.

[18]"Déanfaidh tú umar cré-umha leis ar bhonn cré-umha, mar shás ionlaithe. Agus cuirfidh tú é idir Bhoth na Teagmhála agus an altóir, agus cuirfidh tú uisce ann,

[19] Nela, Arão e seus filhos lavarão as mãos e os pés.

[19]lena bhféadfadh Árón agus a chlann mhac a lámha is a gcosa a ionladh.

[20] Quando entrarem na tenda da congregação, lavar-se-ão com água, para que não morram; ou quando se chegarem ao altar para ministrar, para acender a oferta queimada ao SENHOR.

[20]Nuair a bheidh siad ag dul isteach i mBoth na Teagmhála, nó ag dul i gcóngar na haltóra chun fónaimh le hofráil a loscadh le tine don Tiarna, déanfaidh siad iad féin a ionladh le huisce, le heagla an bháis.

[21] Lavarão, pois, as mãos e os pés, para que não morram; e isto lhes será por estatuto perpétuo, a ele e à sua posteridade, através de suas gerações.

[21]Déanfaidh siad a lámha agus a gcosa a ionladh le heagla an bháis; beidh sé sin mar reacht acu go brách, ag Árón agus ag a shliocht ó ghlúin go glúin."

O óleo da santa unção
Êxodo 37.29

An Criosma

[22] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[22]Lean an Tiarna air agus dúirt le Maois:

[23] Tu, pois, toma das mais excelentes especiarias: de mirra fluida quinhentos siclos, de cinamomo odoroso a metade, a saber, duzentos e cinqüenta siclos, e de cálamo aromático duzentos e cinqüenta siclos,

[23]"Tóg togha na spíosraí: cúig chéad seicil de mhiorr leachtach, a leath sin - dhá chéad go leith, is é sin - de chainéal cumhra, agus dhá chéad go leith de ghiolcach dhea-bholaidh,

[24] e de cássia quinhentos siclos, segundo o siclo do santuário, e de azeite de oliveira um him.

[25] Disto farás o óleo sagrado para a unção, o perfume composto segundo a arte do perfumista; este será o óleo sagrado da unção.

[26] Com ele ungirás a tenda da congregação, e a arca do Testemunho,

[27] e a mesa com todos os seus utensílios, e o candelabro com os seus utensílios, e o altar do incenso,

[28] e o altar do holocausto com todos os utensílios, e a bacia com o seu suporte.

[29] Assim consagrarás estas coisas, para que sejam santíssimas; tudo o que tocar nelas será santo.

[30] Também ungirás Arão e seus filhos e os consagrarás para que me oficiem como sacerdotes.

[31] Dirás aos filhos de Israel: Este me será o óleo sagrado da unção nas vossas gerações.

[32] Não se ungirá com ele o corpo do homem que não seja sacerdote, nem fareis outro semelhante, da mesma composição; é santo e será santo para vós outros.

[33] Qualquer que compuser óleo igual a este ou dele puser sobre um estranho será eliminado do seu povo.

O incenso sagrado

[34] Disse mais o SENHOR a Moisés: Toma substâncias odoríferas, estoraque, ônica e

[24]agus cúig chéad seicil - de réir tomhais sheicil an tsanctóra - de chaisia, agus hín d'ola ológ.

[25]Agus den méid sin déanfaidh tú criosma naofa, á chumasc mar a dhéanfadh poitigéir; criosma naofa a bheidh ann.

[26]Agus déanfaidh tú Both na Teagmhála agus áirc na Fianaise a ungadh leis,

[27]agus, mar an gcéanna, an bord agus a ghréithe go léir, an coinnleoir agus a ngabhann leis, altóir na túise,

[28]agus altóir na hofrála loiscthe lena gréithe go léir, agus an t-umar gona bhonn.

[29]Déanfaidh tú iad a choisreacan d'fhonn go mbeidís sárnaofa; aon ní a bhaineann leo, beidh sé naofa.

[30]Déanfaidh tú Árón agus a mhic a ungadh, agus a choisreacan, go bhfónfaidís dom mar shagairt.

[31]Déarfaidh tú le clann Iosrael: ‘Beidh sé seo agaibh mar chriosma naofa liom ó ghlúin go glúin.

[32]Ní dhéanfar é a dhoirteadh ar cholainn tuataí ná ní dhéanfaidh sibh aon ola eile den aonchumasc leis; tá sé naofa agus beidh sé naofa agaibhse.

[33]Aon duine a dhéanfaidh cumasc mar é nó a chuirfidh aon bhraon de ar choimhthíoch, déanfar é a ionnarbadh óna phobal.’ ”

An Túis

[34]Agus dúirt an Tiarna le Maois: “Tóg spíosraí milse: stórax agus oiniceá agus

gálbano; estes arômatas com incenso puro, cada um de igual peso;

35 e disto farás incenso, perfume segundo a arte do perfumista, temperado com sal, puro e santo.

36 Uma parte dele reduzirás a pó e o porás diante do Testemunho na tenda da congregação, onde me avistarei contigo; será para vós outros santíssimo.

37 Porém o incenso que fareis, segundo a composição deste, não o fareis para vós mesmos; santo será para o SENHOR.

38 Quem fizer tal como este para o cheirar será eliminado do seu povo.

galbanum agus spíosraí cumhra agus túis ghlan - an oiread céanna de gach ceann -

35agus suaigh túis íon naofa á cumasc mar a dhéanfadh poitigéir, agus ag cur salainn inti.

36Meil cuid di go mín mín agus cuir cuid di seo os comhair na Fianaise i mBoth na Teagmhala, mar a dteagmhóidh mé leat; beidh sí sárnaofa agaibh.

37Ní dhéanfaidh sibh daoibh féin aon túis den chumasc céanna léi siúd atá le déanamh agat; bíodh sí naofa don Tiarna agat.

38Aon duine a dhéanfaidh a macasamhail le húsáid mar chumhrán, déanfar é a ionnarbadh óna phobal.”

Êxodo 31

Os artífices da obra do tabernáculo

Êxodo 35.30–36.1

1 Disse mais o SENHOR a Moisés:

2 Eis que chamei pelo nome a Bezalel, filho de Uri, filho de Hur, da tribo de Judá,

3 e o enchi do Espírito de Deus, de habilidade, de inteligência e de conhecimento, em todo artifício,

4 para elaborar desenhos e trabalhar em ouro, em prata, em bronze,

5 para lapidação de pedras de engaste, para entalho de madeira, para toda sorte de lavores.

6 Eis que lhe dei por companheiro Aoliabe, filho de Aisamaque, da tribo de Dã; e dei habilidade a todos os homens hábeis, para que me façam tudo o que tenho ordenado:

Eaxodus 31

Ceardaithe

1“Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

2Féach! Roghnaigh mé ó ainm Bazalael mac Úirí mac Húr de threibh Iúdá,

3agus líon mé é le spiorad Dé, le cumas agus le héirim, le heolas agus le gach sórt ceardaíochta

4i gcomhair dearadh agus saothar in ór agus in airgead agus i gcré-umha,

5i gcomhair seoda a ghearradh dá leaba, adhmad a shnoí, agus gach saghas saothar ceirde.

6Agus seo anois mé ag tabhairt páirtí dó - Ohoiliáb mac Aichíosámác de threibh Dhán; agus gach duine ina bhfuil éirim, chuir mé breis di ann, i dtreo go ndéanfaidís gach ar ordaigh mé duit:

[7] a tenda da congregação, e a arca do Testemunho, e o propiciatório que está por cima dela, e todos os pertences da tenda;

[8] e a mesa com os seus utensílios, e o candelabro de ouro puro com todos os seus utensílios, e o altar do incenso;

[9] e o altar do holocausto com todos os seus utensílios e a bacia com seu suporte;

[10] e as vestes finamente tecidas, e as vestes sagradas do sacerdote Arão, e as vestes de seus filhos, para oficiarem como sacerdotes;

[11] e o óleo da unção e o incenso aromático para o santuário; eles farão tudo segundo tenho ordenado.

O sábado santo e as duas tábuas do Testemunho

[12] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[13] Tu, pois, falarás aos filhos de Israel e lhes dirás: Certamente, guardareis os meus sábados; pois é sinal entre mim e vós nas vossas gerações; para que saibais que eu sou o SENHOR, que vos santifica.

[14] Portanto, guardareis o sábado, porque é santo para vós outros; aquele que o profanar morrerá; pois qualquer que nele fizer alguma obra será eliminado do meio do seu povo.

[15] Seis dias se trabalhará, porém o sétimo dia é o sábado do repouso solene, santo ao SENHOR; qualquer que no dia do sábado fizer alguma obra morrerá.

[7]Both na Teagmhála, áirc na Fianaise, cathaoir na trócaire os a cionn, agus troscán uile an taibearnacail,

[8]an bord agus a ghréithe, an coinnleoir glan lena ghréithe uile, altóir na túise,

[9]agus altóir na hofrála loiscthe lena gréithe go léir, agus an t-umar gona bhonn,

[10]agus na héidí dea-mhaisithe - na héidí naofa d'Árón an sagart agus na héidí dá mhic - i gcomhair a seirbhísí sagairt,

[11]agus an criosma agus an túis chumhra don áit naofa. Déanfaidh siad gach ar ordaigh mé duit.”

Saoire na Sabóide

[12]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[13]“Labhair le clann Iosrael agus abair: ‘Coimeádaigí mo shabóidí óir is comhartha idir mise agus sibhse an tsabóid ó ghlúin go glúin i dtreo go mbeadh a fhios agaibh gur mise, an Tiarna, a naomhaíonn sibh.

[14]Ní foláir daoibh an tsabóid a choimeád, dá réir sin; bíodh sí naofa agaibh. An té a bhriseann í, cuirfear chun báis é; aon duine a dhéanann saothar ar an tsabóid, déanfar é a ionnarbadh óna phobal.

[15]Beidh obair á déanamh ar feadh sé lá, ach ní foláir an seachtú lá a choimeád ina lá saoire ar fad, sabóid choisricthe don Tiarna. An té a dhéanann obair ar an tsabóid, ní foláir é a chur chun báis.

[16] Pelo que os filhos de Israel guardarão o sábado, celebrando-o por aliança perpétua nas suas gerações.
[17] Entre mim e os filhos de Israel é sinal para sempre; porque, em seis dias, fez o SENHOR os céus e a terra, e, ao sétimo dia, descansou, e tomou alento.
[18] E, tendo acabado de falar com ele no monte Sinai, deu a Moisés as duas tábuas do Testemunho, tábuas de pedra, escritas pelo dedo de Deus.

Êxodo 32

O bezerro de ouro
Deuteronômio 9.6-21

[1] Mas, vendo o povo que Moisés tardava em descer do monte, acercou-se de Arão e lhe disse: Levanta-te, faze-nos deuses que vão adiante de nós; pois, quanto a este Moisés, o homem que nos tirou do Egito, não sabemos o que lhe terá sucedido.

[2] Disse-lhes Arão: Tirai as argolas de ouro das orelhas de vossas mulheres, vossos filhos e vossas filhas e trazei-mas.

[3] Então, todo o povo tirou das orelhas as argolas e as trouxe a Arão.
[4] Este, recebendo-as das suas mãos, trabalhou o ouro com buril e fez dele um bezerro fundido. Então, disseram: São estes, ó Israel, os teus deuses, que te tiraram da terra do Egito.
[5] Arão, vendo isso, edificou um altar diante dele e, apregoando, disse: Amanhã, será festa ao SENHOR.

[16]Coimeádfaidh clann Iosrael an tsabóid, á cleachtadh ó ghlúin go glúin, mar chonradh síoraí.
[17]Is comhartha í go brách, idir mé agus clann Iosrael, go ndearna an Tiarna neamh agus talamh i sé lá, ach ar an seachtú lá gur scoir sé agus gur lig a scíth.' ”
[18]Nuair a bhí deireadh ráite aige le Maois ar Shliabh Shíonái, thug sé do Mhaois dhá chlár na Fianaise, leaca cloiche ar ar scríobhadh le méar Dé.

Eaxodus 32

An Lao Óir

[1]Nuair a chonaic an pobal go raibh moill mhór ar Mhaois ag teacht anuas on sliabh, chruinníodar timpeall ar Árón agus dúradar leis: “Corraigh, déan dia dúinn le gabháil romhainn; Maois seo againn, an fear a thug sinn amach as tír na hÉigipte, ní eol dúinn cad a d'imigh air.”
[2]D'fhreagair Árón: “Bainigí,” ar sé leo, “na fáinní óir de chluasa bhur mban, agus bhur mac, agus bhur n-iníonacha, agus tugaigí chugam iad.”
[3]Agus bhaineadar go léir a bhfáinní óir dá gcluasa agus thugadar go hÁrón iad.
[4]Ghlac seisean an t-ór óna lámha, agus, le cabhair múnla, leáigh sé é agus theilg sé dealbh lao. “Seo é do dhia, a Iosrael,” ar siad de liú, “a thug thú amach as tír na hÉigipte!”
[5]Nuair chonaic Árón an méid sin, thóg sé altóir os a chomhair, agus rinne sé forógra: “Lá féile don Tiarna an lá amárach!”

[6] No dia seguinte, madrugaram, e ofereceram holocaustos, e trouxeram ofertas pacíficas; e o povo assentou-se para comer e beber e levantou-se para divertir-se.

[7] Então, disse o SENHOR a Moisés: Vai, desce; porque o teu povo, que fizeste sair do Egito, se corrompeu

[8] e depressa se desviou do caminho que lhe havia eu ordenado; fez para si um bezerro fundido, e o adorou, e lhe sacrificou, e diz: São estes, ó Israel, os teus deuses, que te tiraram da terra do Egito.

[9] Disse mais o SENHOR a Moisés: Tenho visto este povo, e eis que é povo de dura cerviz.

[10] Agora, pois, deixa-me, para que se acenda contra eles o meu furor, e eu os consuma; e de ti farei uma grande nação.

Moisés intercede pelo povo

Êxodo 32.30-35; Deuteronômio 9.25-29

[11] Porém Moisés suplicou ao SENHOR, seu Deus, e disse: Por que se acende, SENHOR, a tua ira contra o teu povo, que tiraste da terra do Egito com grande fortaleza e poderosa mão?

[12] Por que hão de dizer os egípcios: Com maus intentos os tirou, para matá-los nos montes e para consumi-los da face da terra? Torna-te do furor da tua ira e arrepende-te deste mal contra o teu povo.

[13] Lembra-te de Abraão, de Isaque e de Israel, teus servos, aos quais por ti mesmo

[6]D'éiríodar go moch arna mhárach dá bhrí sin agus d'ofráladar íobairtí loiscthe agus thugadar leo íobairtí síochána; ansin shuigh an pobal uile chun bia agus dí, agus d'éiríodar chun scléipe.

Fearg an Tiarna

[7]Ansin dúirt an Tiarna le Maois: “Síos leat! óir an pobal sin agat a thug tú amach as tír na hÉigipte, thruaillíodar iad féin.

[8]Is luath atá siad imithe i leataobh ón mbealach a d'ordaigh mé dóibh; rinneadar lao de mhiotal leáite dóibh féin agus d'adhradar é agus rinneadar íobairt dó, agus liúdar: ‘Seo é do dhia, a Iosrael, a thug thú amach as tír na hÉigipte.’ ”

[9]“Is léir dom,” arsa an Tiarna le Maois, “a cheanndáine mar phobal an pobal seo!

[10]Lig dom anois más ea agus lasfaidh m'fhearg go dian ina gcoinne á ndísciú; tusa ámh, déanfaidh mé náisiún mór díot.”

[11]Ach chrom Maois ar ghuí chun an Tiarna a Dhia: “A Thiarna,” ar sé, “cén fáth go lasfadh do fhearg go dian i gcoinne do phobail féin, an pobal a thug tú amach as tír na hÉigipte le mórchumhacht agus le láimh thréan?

[12]Cén fáth é a thabhairt le rá do na hÉigiptigh: ‘I bhfeall a rug sé amach iad, d'fhonn iad a mharú sna sléibhte agus iad a scrios de chlar na cruinne’? Scaoil uait d'fhearg chuthaigh, agus scoir den drochíde seo a thabhairt ar do phobal.

[13]Cuimhnigh ar Abrahám, ar Íosác agus ar Iosrael, do shearbhóntaí, dár mhionnaigh

tens jurado e lhes disseste: Multiplicarei a vossa descendência como as estrelas do céu, e toda esta terra de que tenho falado, dá-la-ei à vossa descendência, para que a possuam por herança eternamente.

tú dar thú féin agus dár gheall tú: 'Déanfaidh mé bhur síol chomh líonmhar le réaltaí neimhe, agus an tír seo go léir a gheall mé, tabharfaidh mé do bhur sliocht é agus beidh sé ina oidhreacht acu go síoraí.' "

14 Então, se arrependeu o SENHOR do mal que dissera havia de fazer ao povo.

14Bhog an Tiarna dá bhrí sin, agus níor thug sé ar a phobal an drochíde a bhagair sé.

Briseadh Leaca an Dlí

15 E, voltando-se, desceu Moisés do monte com as duas tábuas do Testemunho nas mãos, tábuas escritas de ambos os lados; de um e de outro lado estavam escritas.

15D'fhill Maois agus tháinig anuas ón sliabh agus dhá leac na Fianaise ina lámha, leaca ar a raibh scríbhinn ón dá thaobh, scríbhinn ar a n-aghaidh agus scríbhinn ar a gcúl.

16 As tábuas eram obra de Deus; também a escritura era a mesma escritura de Deus, esculpida nas tábuas.

16Obair Dé na leaca agus scríobh Dé an scríbhinn orthu agus í greanta ar na leaca.

17 Ouvindo Josué a voz do povo que gritava, disse a Moisés: Há alarido de guerra no arraial.

17Chuala Iósua geoin an phobail agus iad ag gáraíl. "Tá gleo catha sa champa," ar sé le Maois.

18 Respondeu-lhe Moisés: Não é alarido dos vencedores nem alarido dos vencidos, mas alarido dos que cantam é o que ouço.

18D'fhreagair Maois é agus dúirt: "Ní gáir chaithréime an gháir seo, Ná olagón cloíte an gháir seo; Glór cantaireachta is ea a chluinim."

19 Logo que se aproximou do arraial, viu ele o bezerro e as danças; então, acendendo-se-lhe a ira, arrojou das mãos as tábuas e quebrou-as ao pé do monte;

19Nuair a dhruid sé leis an gcampa agus go bhfaca sé an lao agus an rince, las fearg Mhaois, agus chaith sé na leaca uaidh as a lámha agus bhris iad ag bun an tsléibhe.

20 e, pegando no bezerro que tinham feito, queimou-o, e o reduziu a pó, que espalhou sobre a água, e deu de beber aos filhos de Israel.

20Rug sé greim ar an lao a bhí déanta acu agus loisc é, agus mheil é ina phúdar agus leath ar an uisce é agus chuir d'iallach ar chlann Iosrael é a ól.

21 Depois, perguntou Moisés a Arão: Que te fez este povo, que trouxeste sobre ele tamanho pecado?

21Dúirt Maois le hÁrón: "Cad a rinne an pobal seo leat a rá is go dtug tú peaca chomh mór sin sa mhullach orthu?"

[22] Respondeu-lhe Arão: Não se acenda a ira do meu senhor; tu sabes que o povo é propenso para o mal.

[23] Pois me disseram: Faze-nos deuses que vão adiante de nós; pois, quanto a este Moisés, o homem que nos tirou da terra do Egito, não sabemos o que lhe terá acontecido.

[24] Então, eu lhes disse: quem tem ouro, tire-o. Deram-mo; e eu o lancei no fogo, e saiu este bezerro.

Moisés manda matar os idólatras

[25] Vendo Moisés que o povo estava desenfreado, pois Arão o deixara à solta para vergonha no meio dos seus inimigos,

[26] pôs-se em pé à entrada do arraial e disse: Quem é do SENHOR venha até mim. Então, se ajuntaram a ele todos os filhos de Levi,

[27] aos quais disse: Assim diz o SENHOR, o Deus de Israel: Cada um cinja a espada sobre o lado, passai e tornai a passar pelo arraial de porta em porta, e mate cada um a seu irmão, cada um, a seu amigo, e cada um, a seu vizinho.

[28] E fizeram os filhos de Levi segundo a palavra de Moisés; e caíram do povo, naquele dia, uns três mil homens.

[29] Pois Moisés dissera: Consagrai-vos, hoje, ao SENHOR; cada um contra o seu filho e contra o seu irmão, para que ele vos conceda, hoje, bênção.

[22]D'fhreagair Árón: "Ná bíodh d'fhearg, a thiarna, ar dearglasadh. Is eol duit a chlaonta chun an oilc atá an pobal seo.

[23]Dúradar liom: 'Déan dia dúinn le gabháil romhainn amach; Maois seo againn, an fear a thug sinn amach as tír na hÉigipte, ní eol dúinn cad a d'imigh air.'

[24]Dúirt mé leo dá bhrí sin: 'An té a bhfuil ór aige, baineadh sé anuas de féin é, ' agus thugadar chugam é. Chaith mé san fhoirnéis é agus tháinig an lao seo amach."

Díograis na Léivíteach

[25]Nuair a chonaic Maois go raibh an pobal imithe chomh mór sin ó smacht - óir lig Árón dóibh titim in íoladhradh agus a naimhde ina dtimpeall -

[26]sheas sé ag geata an champa agus dúirt: "Cé tá ar thaobh an Tiarna? Tagadh sé chugamsa!" agus chruinnigh clann Léiví go léir chuige.

[27]Agus dúirt sé leo: "Seo mar a deir an Tiarna, Dia Iosrael: 'Gabhadh gach fear díbh a chlaíomh lena ais, agus téadh sé sall agus anall ó gheata go geata ar fud an champa; agus maraíodh fear a dhearthár, fear eile a chomrádaí, fear eile a chomharsa.' "

[28]Rinne clann Léiví de réir mar a dúirt Maois leo, agus thit timpeall trí mhíle fear den phobal an lá úd.

[29]Agus dúirt Maois: "Inniu rinneabhair sibh féin a oirniú do sheirbhís an Tiarna, fear ag díol as lena mhac, fear eile lena dhearthár; dáileann sé beannacht oraibh inniu dá bhrí sin."

Moisés intercede pelo povo
Êxodo 32.11-14; Deuteronômio 9.25-29

30 No dia seguinte, disse Moisés ao povo: Vós cometestes grande pecado; agora, porém, subirei ao SENHOR e, porventura, farei propiciação pelo vosso pecado.

31 Tornou Moisés ao SENHOR e disse: Ora, o povo cometeu grande pecado, fazendo para si deuses de ouro.

32 Agora, pois, perdoa-lhe o pecado; ou, se não, risca-me, peço-te, do livro que escreveste.

33 Então, disse o SENHOR a Moisés: Riscarei do meu livro todo aquele que pecar contra mim.

34 Vai, pois, agora, e conduze o povo para onde te disse; eis que o meu Anjo irá adiante de ti; porém, no dia da minha visitação, vingarei, neles, o seu pecado.

35 Feriu, pois, o SENHOR ao povo, porque fizeram o bezerro que Arão fabricara.

Êxodo 33

O Anjo de Deus irá adiante do povo

1 Disse o SENHOR a Moisés: Vai, sobe daqui, tu e o povo que tiraste da terra do Egito, para a terra a respeito da qual jurei a Abraão, a Isaque e a Jacó, dizendo: à tua descendência a darei.

2 Enviarei o Anjo adiante de ti; lançarei fora os cananeus, os amorreus, os heteus, os ferezeus, os heveus e os jebuseus.

Guí Mhaois

30Lá ar na mhárach dúirt Maois leis an bpobal: “Rinne sibh peaca trom; ach rachaidh mise suas anois chun an Tiarna: b'fhéidir go n-éireodh liom leorghníomh a dhéanamh in bhur bpeaca.”

31Agus d'fhill Maois ar an Tiarna. “Mo bhrón,” ar sé, “rinne an pobal seo peaca trom trí dhia óir a dhéanamh.

32Ach anois dá mba áil leat an peaca seo dá gcuid a mhaitheamh...! Ach mura ndéanann tú, ansin, impím ort, scrios mise as an leabhar atá scríofa agat.”

33Ach d'fhreagair an Tiarna Maois: “An té a pheacaigh i m'aghaidh is ea a scriosfaidh mé as mo leabhar.

34Imigh anois, agus treoraigh an pobal chun na háite a dúirt mé leat; féach! rachaidh m'aingeal romhat amach; ach ar lá an fhiosraithe agam, déanfaidh mé a bpeaca a dhíolt orthu.”

35Agus sheol an Tiarna plá ar an bpobal de bharr an lao, a rinne Árón, a dhéanamh.

Eaxodus 33

Ordú Imeachta

1Dúirt an Tiarna le Maois: “Fág an áit seo; imigh leat, tú féin agus an pobal a thug tú amach as tír na hÉigipte, agus téigh chun na tíre a mhionnaigh mé d'Abrahám, d'Íosác agus do Iacób leis na focail: ‘Tabharfaidh mé do do shíol é.’

2Agus seolfaidh mé aingeal romhat, agus tiomáinfidh mé amach na Canánaigh, na hAmóraigh, na Hitigh, na Pirizigh, na Hivigh, agus na Iabúsaigh.

[3] Sobe para uma terra que mana leite e mel; eu não subirei no meio de ti, porque és povo de dura cerviz, para que te não consuma eu no caminho.

[4] Ouvindo o povo estas más notícias, pôs-se a prantear, e nenhum deles vestiu seus atavios.

[5] Porquanto o SENHOR tinha dito a Moisés: Dize aos filhos de Israel: És povo de dura cerviz; se por um momento eu subir no meio de ti, te consumirei; tira, pois, de ti os atavios, para que eu saiba o que te hei de fazer.

[6] Então, os filhos de Israel tiraram de si os seus atavios desde o monte Horebe em diante.

[7] Ora, Moisés costumava tomar a tenda e armá-la para si, fora, bem longe do arraial; e lhe chamava a tenda da congregação. Todo aquele que buscava ao SENHOR saía à tenda da congregação, que estava fora do arraial.

[8] Quando Moisés saía para a tenda, fora, todo o povo se erguia, cada um em pé à porta da sua tenda, e olhavam pelas costas, até entrar ele na tenda.

[9] Uma vez dentro Moisés da tenda, descia a coluna de nuvem e punha-se à porta da tenda; e o SENHOR falava com Moisés.

[10] Todo o povo via a coluna de nuvem que se detinha à porta da tenda; todo o povo

[3]Ar aghaidh leat chun na tíre mar a bhfuil bainne agus mil ina slaoda. Ní rachaidh mise féin in éineacht libh - óir is ceanndána an pobal sibh - le heagla go scriosfainn sibh ar an mbealach.”

[4]Ar chlos na cainte boirbe sin, rinne an pobal caoineadh, agus ní chaithfeadh aon duine a chuid ornáidí.

[5]Ansin dúirt an Tiarna le Maois: “Abair le clann Iosrael: ‘Is ceanndána an pobal sibh. Dá mbeinn ag dul in éineacht libh fiú nóiméad, scriosfainn sibh. Cuir uait d'ornáidí dá bhrí sin go bhfeice mé conas déileáil leat! ’ ”

[6]Ó Shliabh Horaeb ar aghaidh dá bhrí sin, chuir clann Iosrael uathu a n-ornáidí.

An Bhoth

[7]Bheireadh Maois an Bhoth leis agus chuireadh sé suas í taobh amuigh den champa, tamall maith ón gcampa. Thug sé Both na Teagmhála uirthi. An té a chaitheadh comhairle an Tiarna a fháil, théadh sé amach go Both na Teagmhála, lasmuigh den champa.

[8]Cibé uair a théadh Maois amach chun na Botha, d'éiríodh an pobal go léir, agus sheasadh gach fear ag béal a bhotha agus a shúile ar Mhaois go dtí go sroicheadh sé an Bhoth.

[9]Nuair a théadh Maois isteach sa Bhoth, thagadh an colún néil anuas agus sheasadh ag doras na Botha, agus labhraíodh an Tiarna le Maois.

[10]Nuair a d'fheiceadh an pobal an colún néil ina sheasamh ag doras na Botha,

se levantava, e cada um, à porta da sua tenda, adorava ao SENHOR.

11 Falava o SENHOR a Moisés face a face, como qualquer fala a seu amigo; então, voltava Moisés para o arraial, porém o moço Josué, seu servidor, filho de Num, não se apartava da tenda.

Moisés roga a Deus a sua presença

12 Disse Moisés ao SENHOR: Tu me dizes: Faze subir este povo, porém não me deste saber a quem hás de enviar comigo; contudo, disseste: Conheço-te pelo teu nome; também achaste graça aos meus olhos.

13 Agora, pois, se achei graça aos teus olhos, rogo-te que me faças saber neste momento o teu caminho, para que eu te conheça e ache graça aos teus olhos; e considera que esta nação é teu povo.

14 Respondeu-lhe: A minha presença irá contigo, e eu te darei descanso.

15 Então, lhe disse Moisés: Se a tua presença não vai comigo, não nos faças subir deste lugar.

16 Pois como se há de saber que achamos graça aos teus olhos, eu e o teu povo? Não é, porventura, em andares conosco, de maneira que somos separados, eu e o teu povo, de todos os povos da terra?

Moisés roga a Deus que lhe mostre a sua glória

17 Disse o SENHOR a Moisés: Farei também isto que disseste; porque achaste graça aos meus olhos, e eu te conheço pelo teu nome.

d'éiridís ina seasamh agus shléachtaidís go talamh, gach fear ag béal a bhotha féin.

11Labhraíodh an Tiarna le Maois aghaidh ar aghaidh, mar a dhéanann fear le cara. Ansin d'fhilleadh Maois ar an gcampa, ach Iósua, mac Húr, a shearbhónta ógfhir, ní fhágadh sé an Bhoth.

Maois ag Guí

12Dúirt Maois leis an Tiarna: "Féach, deir tú liom: 'Cuir an pobal ag bogadh ar aghaidh, ' ach ní insíonn tú dom cé a chuirfidh tú in éineacht liom. Dúirt tú féin más ea: 'Is aithnid dom thú ó ainm, agus fuair tú fabhar i mo láthair.'

13Uime sin, má fuair mé fabhar i do láthair, nocht dom do bhealaí d'fhonn go dtuigfinn thú agus go dtuillfinn do ghnaoi. Cuimhnigh air chomh maith, gurab é an cine seo do phobal féin."

14D'fhreagair sé: "Rachaidh mo láithreacht in éineacht leat agus tabharfaidh mé suaimhneas duit."

15Agus dúirt [Maois] leis: "Mura dtéann do láithreacht in éineacht liom, ná beir suas ón áit seo sinn.

16Óir conas a bheidh a fhios go bhfuair mé, mé féin agus do phobal, fabhar i do láthair, mura dtéann tú in éineacht linn? Leis seo a dhealófar sinn, mise agus do phobal, ó gach cine eile dá bhfuil ar dhroim na talún."

17Agus dúirt an Tiarna le Maois: "Déanfaidh mé díreach mar a dúirt tú; óir fuair tú fabhar i mo láthair agus is aithnid dom thú ó ainm."

Maois ar an Sliabh

[18] Então, ele disse: Rogo-te que me mostres a tua glória.

[19] Respondeu-lhe: Farei passar toda a minha bondade diante de ti e te proclamarei o nome do SENHOR; terei misericórdia de quem eu tiver misericórdia e me compadecerei de quem eu me compadecer.

[20] E acrescentou: Não me poderás ver a face, porquanto homem nenhum verá a minha face e viverá.

[21] Disse mais o SENHOR: Eis aqui um lugar junto a mim; e tu estarás sobre a penha.

[22] Quando passar a minha glória, eu te porei numa fenda da penha e com a mão te cobrirei, até que eu tenha passado.

[23] Depois, em tirando eu a mão, tu me verás pelas costas; mas a minha face não se verá.

[18]Dúirt Maois: “Taispeáin dom do ghlóir, achainím ort.”

[19]Agus d'fhreagair sé: “Seolfaidh mé mo mhaitheas go léir thar bráid os do chomhair, agus fógróidh mé m'ainm, an Tiarna, romhat; beidh mé fabhrach don té is rogha liom, agus beidh mé trócaireach don té is rogha liom.

[20]Ach ní féidir duit mo ghnúis a fheiceáil,” ar sé “óir ní féidir do dhuine mé a fheiceáil agus maireachtáil dá éis sin.”

[21]Agus lean air: “Seo áit taobh liom mar ar féidir duit seasamh ar an gcarraig,

[22]agus fad a ghabhann mo ghlóir thar bráid, cuirfidh mé thú i scoilt den charraig agus clúdóidh mé thú le mo láimh go mbeidh mé imithe thar bráid.

[23]Ansin tógfaidh mé mo lámh chun siúil agus feicfidh tú mo chúl; ach mo ghnúis ní fheicfear.”

Êxodo 34

As segundas tábuas da lei

Deuteronômio 10.1-5

[1] Então, disse o SENHOR a Moisés: Lavra duas tábuas de pedra, como as primeiras; e eu escreverei nelas as mesmas palavras que estavam nas primeiras tábuas, que quebraste.

[2] E prepara-te para amanhã, para que subas, pela manhã, ao monte Sinai e ali te apresentes a mim no cimo do monte.

[3] Ninguém suba contigo, ninguém apareça em todo o monte; nem ainda ovelhas nem gado se apascentem defronte dele.

Eaxodus 34

An Conradh á Athnuachan

[1]Dúirt an Tiarna le Maois: “Gearr anuas dhá leac cosúil leis na chéad chinn [agus tar aníos chugamsa ar an sliabh], agus déanfaidh mé na focail a bhí ar na chéad chláir a bhris tú a inscríobh orthu.

[2]Bí ullamh faoi mhaidin agus tar aníos go Sliabh Shíonái le breacadh an lae; bí i láthair ansiúd fá mo choinne ar bharr an tsléibhe.

[3]Ná tagadh aon duine aníos leat, agus ná bíodh aon duine le feiceáil in aon áit ar an sliabh; níl sé ceadaithe fiú na tréada ná na

táinte a bheith ag iníor os comhair an tsléibhe sin."

[4] Lavrou, pois, Moisés duas tábuas de pedra, como as primeiras; e, levantando-se pela manhã de madrugada, subiu ao monte Sinai, como o SENHOR lhe ordenara, levando nas mãos as duas tábuas de pedra.

[4]Ghearr Maois dhá leac chloiche dá bhrí sin ar aon dul leis na chéad chinn, agus go luath ar maidin ghabh sé faoi Shliabh Shíonái suas leis an dá leac chloiche ina lámha faoi mar a d'ordaigh an Tiarna dó.

[5] Tendo o SENHOR descido na nuvem, ali esteve junto dele e proclamou o nome do SENHOR.

[5]Tháinig an Tiarna anuas i bhfoirm néil, agus sheas Maois ansiúd in éineacht leis.

Dia á Thaispeáint Féin

Glaoigh sé ar ainm an Tiarna.

[6] E, passando o SENHOR por diante dele, clamou: SENHOR, SENHOR Deus compassivo, clemente e longânimo e grande em misericórdia e fidelidade;

[6]Ghabh an Tiarna thar bráid os a chomhair agus d'fhógair sé: "A Thiarna, a Thiarna, Dia na cineáltachta agus na trócaire, is mall é chun feirge, is lán é de bhuanghrá agus de dhílseacht;

[7] que guarda a misericórdia em mil gerações, que perdoa a iniqüidade, a transgressão e o pecado, ainda que não inocenta o culpado, e visita a iniqüidade dos pais nos filhos e nos filhos dos filhos, até à terceira e quarta geração!

[7]leanann sé dá bhuanghrá i leith na mílte, maitheann lochtanna, coir agus peaca; ach ní fhágann sé aon ní gan díolt, ag agairt cion na n-aithreacha ar an gclann agus ar chlann na clainne go dtí an tríú agus an ceathrú glúin."

[8] E, imediatamente, curvando-se Moisés para a terra, o adorou;

[8]Shléacht Maois go talamh gan mhoill ag adhradh

[9] e disse: SENHOR, se, agora, achei graça aos teus olhos, segue em nosso meio conosco; porque este povo é de dura cerviz. Perdoa a nossa iniqüidade e o nosso pecado e toma-nos por tua herança.

[9]agus dúirt: "Má fuair mé fabhar i do láthair, a Thiarna, tagadh mo Thiarna in éineacht linn, achainím ort, fág gur ceanndána an pobal iad; ach maith dúinn ár gcionta agus ár bpeacaí, agus glac linn mar oidhreacht agat."

Deus faz uma aliança e admoesta contra a infidelidade

Deuteronômio 7.1-5

An Conradh

[10] Então, disse: Eis que faço uma aliança; diante de todo o teu povo farei maravilhas

[10]Dúirt [an Tiarna]: "Féach! táim ar tí conradh a dhéanamh. Déanfaidh mé, i

que nunca se fizeram em toda a terra, nem entre nação alguma, de maneira que todo este povo, em cujo meio tu estás, veja a obra do SENHOR; porque coisa terrível é o que faço contigo.

láthair do phobail go léir, iontais nach ndearnadh a leithéid riamh in aon tír ná in aon náisiún. An mhuintir go léir a bhfuil tú ina measc, feicfidh siad obair an Tiarna, óir is uaimhneach é a ndéanfaidh mé tríot.

11 Guarda o que eu te ordeno hoje: eis que lançarei fora da sua presença os amorreus, os cananeus, os heteus, os ferezeus, os heveus e os jebuseus.

11Tabhair aird, más ea, ar a bhfuil á ordú agam duit inniu. Féach! tiomáinfidh mé amach romhat na hAmóraigh, agus na Canánaigh, na Hitigh agus na Pirizigh, na Hivigh agus na Iabúsaigh.

12 Abstém-te de fazer aliança com os moradores da terra para onde vais, para que te não sejam por cilada.

12Féach chuige nach ndéanann tú conradh le dúchasaigh na tíre dá rachaidh tú, nó beidh sin ina ghaiste faoi do chosa.

13 Mas derribareis os seus altares, quebrareis as suas colunas e cortareis os seus postes-ídolos

13Ní foláir daoibh a n-altóirí a scartáil, a ngalláin a smiotadh, agus a gcuaillí naofa a ghearradh anuas.

14 (porque não adorarás outro deus; pois o nome do SENHOR é Zeloso; sim, Deus zeloso é ele);

14Ná hadhair aon dia eile, óir An tÉadmhar is ainm don Tiarna; is Dia éadmhar é.

15 para que não faças aliança com os moradores da terra; não suceda que, em se prostituindo eles com os deuses e lhes sacrificando, alguém te convide, e comas dos seus sacrifícios

15Ná déan conradh le dúchasaigh na tíre nó, nuair a dhéanfaidh siad striapachas lena ndéithe féin agus íobairt dóibh, ba bhaol go dtabharfadh duine díobh cuireadh duit agus go n-íosfá cuid dá íobarthach;

16 e tomes mulheres das suas filhas para os teus filhos, e suas filhas, prostituindo-se com seus deuses, façam que também os teus filhos se prostituam com seus deuses.

16nó b'fhéidir go nglacfá mná do do mhic as a n-iníonacha, agus go ndéanfaidis sin, lena striapachas lena ndéithe féin, do mhic a mhealladh chun déanamh amhlaidh lena ndéithesean.

17 Não farás para ti deuses fundidos.

17Ná déan déithe duit féin as miotal leáite.

As três festas

Êxodo 23.14-19; Levítico 23.4-21,33-44; Deuteronômio 16.1-17

18 Guardarás a Festa dos Pães Asmos; sete dias comerás pães asmos, como te ordenei,

18Ceiliúir Féile an tSlimaráin; ith arán gan ghabháile mar a d'ordaigh mé duit ag an

no tempo indicado no mês de abibe; porque no mês de abibe saíste do Egito.

[19] Todo o que abre a madre é meu; também de todo o teu gado, sendo macho, o que abre a madre de vacas e de ovelhas.

[20] O jumento, porém, que abrir a madre, resgatá-lo-ás com cordeiro; mas, se o não resgatares, será desnucado. Remirás todos os primogênitos de teus filhos. Ninguém aparecerá diante de mim de mãos vazias.

[21] Seis dias trabalharás, mas, ao sétimo dia, descansarás, quer na aradura, quer na sega.

[22] Também guardarás a Festa das Semanas, que é a das primícias da sega do trigo, e a Festa da Colheita no fim do ano.

[23] Três vezes no ano, todo homem entre ti aparecerá perante o SENHOR Deus, Deus de Israel.

[24] Porque lançarei fora as nações de diante de ti e alargarei o teu território; ninguém cobiçará a tua terra quando subires para comparecer na presença do SENHOR, teu Deus, três vezes no ano.

[25] Não oferecerás o sangue do meu sacrifício com pão levedado; nem ficará o sacrifício da Festa da Páscoa da noite para a manhã.

[26] As primícias dos primeiros frutos da tua terra trarás à Casa do SENHOR, teu Deus. Não cozerás o cabrito no leite da sua própria mãe.

tráth ceaptha i mí Áibíb, óir i mí Áibíb tháinig sibh amach as tír na hÉigipte."

[19]"Is liomsa gach a n-osclaíonn broinn, gach fireannach is céadghin i dtréad nó i dtáin leat.

[20]Céadghin asail, fuascail é le huan, nó mura bhfuasclaíonn tú, bris a mhuineál. Fuascail gach céadghin ar do mhic. Ná tagadh aon duine i mo láthair gan rud aige."

[21]"Ar feadh sé lá déanfaidh tú saothar, ach ar an seachtú lá scoirfidh tú ó obair; fiú i séasúr an treafa agus an fhómhair déanfaidh tú sin.

[22]Ceiliúir Féile na Seachtainí, Féile Chéadtorthaí fómhair na cruithneachta, agus Féile Chlabhsúr an Fhómhair i ndeireadh na bliana.

[23]Tagadh do chlann mhac uile i láthair an Tiarna Dia, Dia Iosrael, trí huaire sa bhliain.

[24]Nuair a bheidh na ciníocha díbeartha agam romhat, agus fairsinge curtha agam le do chríocha, ní shantóidh aon duine do dhúiche, má thagann tú i láthair an Tiarna do Dhia trí huaire sa bhliain."

[25]"Ná hofráil dom fuil m'íobarthaigh mar aon le harán slim; agus ná cuirtear íobarthach Fhéile na Cásca i leataobh go maidin.

[26]Tabhair tús do nús ó d'fhearann go teach an Tiarna do Dhia. Ná bruith meannán i bhfuil a mháthar."

[27] Disse mais o SENHOR a Moisés: Escreve estas palavras, porque, segundo o teor destas palavras, fiz aliança contigo e com Israel.
[28] E, ali, esteve com o SENHOR quarenta dias e quarenta noites; não comeu pão, nem bebeu água; e escreveu nas tábuas as palavras da aliança, as dez palavras.

O rosto de Moisés resplandece

[29] Quando desceu Moisés do monte Sinai, tendo nas mãos as duas tábuas do Testemunho, sim, quando desceu do monte, não sabia Moisés que a pele do seu rosto resplandecia, depois de haver Deus falado com ele.

[30] Olhando Arão e todos os filhos de Israel para Moisés, eis que resplandecia a pele do seu rosto; e temeram chegar-se a ele.

[31] Então, Moisés os chamou; Arão e todos os príncipes da congregação tornaram a ele, e Moisés lhes falou.

[32] Depois, vieram também todos os filhos de Israel, aos quais ordenou ele tudo o que o SENHOR lhe falara no monte Sinai.

[33] Tendo Moisés acabado de falar com eles, pôs um véu sobre o rosto.

[34] Porém, vindo Moisés perante o SENHOR para falar-lhe, removia o véu até sair; e, saindo, dizia aos filhos de Israel tudo o que lhe tinha sido ordenado.

[35] Assim, pois, viam os filhos de Israel o rosto de Moisés, viam que a pele do seu

[27]Dúirt an Tiarna le Maois: “Cuir na focail sin i scríbhinn, óir is de réir na bhfocal sin atá an conradh déanta agam leatsa agus le hIosrael.”
[28]D'fhan sé ansiúd fara an Tiarna daichead lá agus daichead oíche gan greim a ithe ná bolgam a ól. Agus scríobh sé ar na leaca focail an chonartha, na Deich nAitheanta.

Tagann Maois Anuas

[29]Nuair a tháinig Maois anuas ó Shliabh Shíonái - agus é ag teacht anuas bhí dhá leac na Fianaise ina láimh - ní raibh a fhios ag Maois go raibh loinnir ón gcneas ar a aghaidh mar go raibh sé ag caint leis an Tiarna.
[30]Nuair a chonaic Árón agus clann Iosrael go léir Maois agus a leithéid de loinnir ón gcneas ar a aghaidh, bhí eagla orthu dul ina ghaire.
[31]Ghair Maois chuige iad agus tháinig Árón agus ceannairí an chomhthionóil ar ais chuige agus labhair Maois leo.
[32]Ansin tháinig clann Iosrael go léir ina chóngar agus thug sé dóibh na horduithe go léir a thug an Tiarna dó ina chaint leis ar Shliabh Shíonái.
[33]Nuair a bhí deireadh ráite ag Maois leo, chuir sé brat ar a aghaidh.
[34]Ach nuair a théadh Maois isteach i láthair an Tiarna chun labhairt leis, bhaineadh sé an brat de go dtí go dtagadh sé amach arís. Agus nuair a thagadh sé amach, d'insíodh sé do chlann Iosrael na horduithe a d'fhaigheadh sé.
[35]Agus d'fheicfeadh clann Iosrael an loinnir ó aghaidh Mhaois. Ansin

rosto resplandecia; porém Moisés cobria de novo o rosto com o véu até entrar a falar com ele.

Êxodo 35

O Sábado

[1] Tendo Moisés convocado toda a congregação dos filhos de Israel, disse-lhes: São estas as palavras que o SENHOR ordenou que se cumprissem:

[2] Trabalhareis seis dias, mas o sétimo dia vos será santo, o sábado do repouso solene ao SENHOR; quem nele trabalhar morrerá.

[3] Não acendereis fogo em nenhuma das vossas moradas no dia do sábado.

Deus manda trazer ofertas para o tabernáculo
Êxodo 25.1-9

[4] Disse mais Moisés a toda a congregação dos filhos de Israel: Esta é a palavra que o SENHOR ordenou, dizendo:

[5] Tomai, do que tendes, uma oferta para o SENHOR; cada um, de coração disposto, voluntariamente a trará por oferta ao SENHOR: ouro, prata, bronze,

[6] estofo azul, púrpura, carmesim, linho fino, pêlos de cabra,

[7] peles de carneiro tintas de vermelho, peles finas, madeira de acácia,

[8] azeite para a iluminação, especiarias para o óleo da unção e para o incenso aromático,

[9] pedras de ônix e pedras de engaste para a estola sacerdotal e para o peitoral.

Os utensílios do tabernáculo
Êxodo 39.32-43

chuireadh Maois an brat ar ais ar a aghaidh go dtí go bhfilleadh sé chun labhartha leis.

Eaxodus 35

Sabóid

[1]Chruinnigh Maois comhthionól uile chlann Iosrael agus dúirt leo: “Seo mar a d'ordaigh an Tiarna daoibh a dhéanamh:

[2]Déantar saothar ar feadh sé lá; ach ar an seachtú lá, bíodh sabóid naofa, saoire shollúnta agaibh don Tiarna. Aon duine a dhéanann saothar ar bith an lá sin, cuirtear chun báis é.

[3]Ná hadhnaigí tine ar bith ar aon tinteáin de bhur gcuid ar an tsabóid.”

Na hÁbhair á gCruinniu don Sanctóir

[4]Labhair Maois le comhthionól chlann Iosrael go léir: “Seo,” ar sé, “mar a d'ordaigh an Tiarna.

[5]Cuirigí síntiús don Tiarna i leataobh ó bhur maoin. An fear croí mhóir tugadh sé mar ofráil chun an Tiarna: ór, airgead agus cré-umha,

[6]ábhar gorm agus corcra agus craorag, agus línéadach mín cas, fionnadh gabhair,

[7]seithí coirtithe reithe, sitím,

[8]ola don solas, spíosraí don chriosma agus don túis chumhra,

[9]clocha oinisce agus clocha lómhara le luí san éafód agus sa lúireach.

10 Venham todos os homens hábeis entre vós e façam tudo o que o SENHOR ordenou:	10Gach fear agaibh ina bhfuil éirim, tagadh sé agus déanadh gach ar ordaigh an Tiarna:
11 o tabernáculo com sua tenda e a sua coberta, os seus ganchos, as suas tábuas, as sua vergas, as suas colunas e as suas bases;	11an taibearnacal agus a bhoth agus a dhíon, a naisc agus a fhrámaí, a bhataí snadhma, a phollaí agus a cheapa,
12 a arca e os seus varais, o propiciatório e o véu do reposteiro;	12an áirc lena cuaillí, cathaoir na trocaire, agus an fial a fholaíonn í;
13 a mesa e os seus varais, e todos os seus utensílios, e os pães da proposição;	13an bord lena chuaillí agus a ghréithe agus arán na láithreachta;
14 o candelabro da iluminação, e os seus utensílios, e as suas lâmpadas, e o azeite para a iluminação;	14an coinnleoir mar an gcéanna don solas, lena mbaineann leis, na lampaí agus an ola le lasadh;
15 o altar do incenso e os seus varais, e o óleo da unção, e o incenso aromático, e o reposteiro da porta à entrada do tabernáculo;	15altóir na túise lena cuaillí, an criosma agus an túis chumhra agus an scáthlán don doras ar an tslí isteach sa bhoth;
16 o altar do holocausto e a sua grelha de bronze, os seus varais e todos os seus utensílios, a bacia e o seu suporte;	16altóir an uileloiscthe lena gráta cré-umha agus lena cuaillí agus lena gréithe go léir, an t-umar lena a bhonn;
17 as cortinas do átrio, e as suas colunas, e as suas bases, e o reposteiro da porta do átrio;	17brait na faiche, a pollaí agus a ceapa, agus an fial don gheata isteach san fhaiche;
18 as estacas do tabernáculo, e as estacas do átrio, e as suas cordas;	18pionnaí an taibearnacail agus pionnaí na cúirte agus a dtéada;
19 as vestes do ministério para ministrar no santuário, as vestes santas do sacerdote Arão e as vestes de seus filhos, para oficiarem como sacerdotes.	19na héidí dea-fhite don tseirbhís san áit naofa agus an éide naofa d'Árón an sagart, agus éidí a mhac dá seirbhís sagartachta.”
A prontidão do povo em trazer ofertas	
20 Então, toda a congregação dos filhos de Israel saiu da presença de Moisés,	20Ansin d'imigh comhthionól uile chlann Iosrael ó láthair Mhaois.
21 e veio todo homem cujo coração o moveu e cujo espírito o impeliu e trouxe a oferta ao SENHOR para a obra da tenda da	21Agus gach duine a raibh sé de phreab ina chroí, agus de sponc ina chuislinn, rud a thabhairt, thángadar lena síntiús don

congregação, e para todo o seu serviço, e para as vestes sagradas.

[22] Vieram homens e mulheres, todos dispostos de coração; trouxeram fivelas, pendentes, anéis, braceletes, todos os objetos de ouro; todo homem fazia oferta de ouro ao SENHOR;

[23] e todo homem possuidor de estofo azul, púrpura, carmesim, linho fino, pêlos de cabra, peles de carneiro tintas de vermelho e peles de animais marinhos os trazia.

[24] Todo aquele que fazia oferta de prata ou de bronze por oferta ao SENHOR a trazia; e todo possuidor de madeira de acácia para toda obra do serviço a trazia.

[25] Todas as mulheres hábeis traziam o que, por suas próprias mãos, tinham fiado: estofo azul, púrpura, carmesim e linho fino.

[26] E todas as mulheres cujo coração as moveu em habilidade fiavam os pêlos de cabra.

[27] Os príncipes traziam pedras de ônix, e pedras de engaste para a estola sacerdotal e para o peitoral,

[28] e os arômatas, e o azeite para a iluminação, e para o óleo da unção, e para o incenso aromático.

[29] Os filhos de Israel trouxeram oferta voluntária ao SENHOR, a saber, todo homem e mulher cujo coração os dispôs para trazerem uma oferta para toda a obra

Tiarna le haghaidh Both na Teagmhála a dhéanamh, do na seirbhísí, agus do na héidí naofa.

[22]Thángadar idir fhir agus mhná, a raibh sé de chroí acu, agus thugadar dealga agus fáinní agus bráisléid agus toirc agus seoda óir de gach sórt, a ofráil éigin óir á tíolacadh ag gach duine don Tiarna:

[23]gach duine dár tharla aige ábhar gorm nó corcra nó craorag nó línéadach mín, nó fionnadh gabhair, nó seithí coirtithe reithe, nó seithí gabhair, thugadar leo iad.

[24]Gach duine a d'fhéad ofráil airgid nó chré-umha a dhéanamh, thugadar chun an Tiarna iad mar ofráil; agus gach duine dár tharla aige adhmad sitím d'aon tairbhe don obair, thug sé leis é;

[25]gach bean le héirim, d'fhíodar lena lámha, agus thugadar leo a raibh fite acu d'ábhar gorm agus corcra agus craorag agus de línéadach mín cas;

[26]gach bean a raibh sé de chroí is d'éirim inti, luíodar le fí an fhionnadh gabhair;

[27]agus thug na ceannairí clocha oinisce agus seoda le luí san éafód agus sa lúireach,

[28]agus spíosraí agus ola don solas agus don chriosma agus don túis chumhra;

[29]na fir agus na mná go léir a raibh sé de chroí acu rud éigin a thabhairt don obair a d'ordaigh an Tiarna trí Mhaois a

que o SENHOR tinha ordenado se fizesse por intermédio de Moisés.

Deus chama a Bezalel e a Aoliabe
Êxodo 31.1-11

30 Disse Moisés aos filhos de Israel: Eis que o SENHOR chamou pelo nome a Bezalel, filho de Uri, filho de Hur, da tribo de Judá,

31 e o Espírito de Deus o encheu de habilidade, inteligência e conhecimento em todo artifício,

32 e para elaborar desenhos e trabalhar em ouro, em prata, em bronze,

33 e para lapidação de pedras de engaste, e para entalho de madeira, e para toda sorte de lavores.

34 Também lhe dispôs o coração para ensinar a outrem, a ele e a Aoliabe, filho de Aisamaque, da tribo de Dã.

35 Encheu-os de habilidade para fazer toda obra de mestre, até a mais engenhosa, e a do bordador em estofo azul, em púrpura, em carmesim e em linho fino, e a do tecelão, sim, toda sorte de obra e a elaborar desenhos.

Êxodo 36

1 Assim, trabalharam Bezalel, e Aoliabe, e todo homem hábil a quem o SENHOR dera habilidade e inteligência para saberem fazer toda obra para o serviço do santuário, segundo tudo o que o SENHOR havia ordenado.

Moisés entrega aos obreiros as ofertas do povo

2 Moisés chamou a Bezalel, e a Aoliabe, e a todo homem hábil em cujo coração o

dhéanamh, thugadar - clann Iosrael - é mar ofráil don Tiarna le lántoil.

Ceardaithe don Sanctóir

30Agus dúirt Maois le clann Iosrael: “Féach! roghnaigh an Tiarna ó ainm Bazalael mac Úirí mac Húr de threibh Iúdá.

31Líon sé é le spiorad Dé, le cumas agus le héirim, le heolas agus le gach sórt ceardaíochta,

32i gcomhair deartha ealaíonta agus saothair in ór agus in airgead agus i gcré-umha,

33i gcomhair seoda a ghearradh dá leaba, adhmad a shnoí, agus gach sórt saothar ceirde.

34Agus bhronn sé bua teagaisc airsean agus ar Ohoiliáb mac Aichíosámác de threibh Dhán.

35Líon sé iad le héirim chun gach sórt saothair a dhéanamh a dhéanfadh ceardaí, nó dearaí, nó bróidnéir in ábhar gorm agus corcra agus craorag agus línéadach mín cas, nó fíodóir nó aon sórt saothraí nó dearaí oilte.”

Eaxodus 36

1“Balzalael agus Ohoilíáb agus gach ceardaí oilte ar ar bhronn an Tiarna an éirim agus an cumas gach a éilíodh chun an sanctóir a thógáil, déanaidís a gcuid oibre go beacht mar a d'ordaigh an Tiarna.”

Dóthain Bailithe

2Ghlaoigh Maois ar Bhazalael agus ar Ohoilíáb agus ar gach duine éirimiúil dár

SENHOR tinha posto sabedoria, isto é, a todo homem cujo coração o impeliu a se chegar à obra para fazê-la.

3 Estes receberam de Moisés todas as ofertas que os filhos de Israel haviam trazido para a obra do serviço do santuário, para fazê-la; e, ainda, cada manhã o povo trazia a Moisés ofertas voluntárias.

4 Então, deixando cada um a obra que fazia, vieram todos os homens sábios que se ocupavam em toda a obra do santuário

5 e disseram a Moisés: O povo traz muito mais do que é necessário para o serviço da obra que o SENHOR ordenou se fizesse.

6 Então, ordenou Moisés – e a ordem foi proclamada no arraial, dizendo: Nenhum homem ou mulher faça mais obra alguma para a oferta do santuário. Assim, o povo foi proibido de trazer mais.

7 Porque o material que tinham era suficiente para toda a obra que se devia fazer e ainda sobejava.

As cortinas do tabernáculo
Êxodo 26.1-13

8 Assim, todos os homens hábeis, entre os que faziam a obra, fizeram o tabernáculo com dez cortinas de linho fino retorcido, estofo azul, púrpura e carmesim com querubins; de obra de artista as fizeram.

9 O comprimento de cada cortina era de vinte e oito côvados, e a largura, de quatro

chuir an Tiarna éirim ina aigne, agus ar gach duine a raibh sé de phreab ina chroí, teacht agus an obair a dhéanamh;

3agus ghlacadar ó Mhaois gach ofráil lantola dá dtug clann Iosrael le haghaidh obair an tsanctóra a dhéanamh; uime sin de bhrí gur leanadar sin orthu gach maidin ag tabhairt a n-ofrálacha lántola,

4na ceardaithe oilte a bhí i mbun gach sórt oibre ar an sanctóir, d'fhágadar, gach fear a chúram féin,

5agus dúradar le Maois: “Tá breis thar mar is gá don obair a d'ordaigh an Tiarna dúinn a chur i gcrích á thabhairt ag na daoine.”

6Thug Maois treoir dá bhrí sin agus tugadh an t-ordú seo leanas ar fud an champa: “Ná déanadh aon duine, fear ná bean, aon ní eile ar mhaithe leis an mbailiúchán don sanctóir.” Toirmeascadh ar an bpobal dá bhrí sin aon ní eile a thabhairt;

7ba leor agus ba lánleor a raibh acu d'ábhar chun an saothar go léir a chur i gcrích.

An Taibearnacal

8Shaothraigh na fir éirimiúla go léir i measc na n-oibrithe ar an taibearnacal. Rinne sé é de dheich mbrat de línéadach cas mín, d'ábhar gorm agus corcra agus craorag, le ceiribíní fuaite le barr slachta orthu.

9Bhí ocht mbanlámh fichead d'fhad i ngach brat, agus ceithre bhanlámh de

côvados; todas as cortinas eram de igual medida.

10 Cinco cortinas eram ligadas uma à outra; e as outras cinco também ligadas uma à outra.

11 Fizeram laçadas de estofo azul na orla da cortina, que estava na extremidade do primeiro agrupamento; e de igual modo fizeram na orla da cortina, que estava na extremidade do segundo agrupamento.

12 Cinqüenta laçadas fizeram numa cortina, e cinqüenta, na outra cortina na extremidade do segundo agrupamento; as laçadas eram contrapostas uma à outra.

13 Fizeram cinqüenta colchetes de ouro, com os quais prenderam as cortinas uma à outra; e o tabernáculo passou a ser um todo.

14 Fizeram também de pêlos de cabra cortinas para servirem de tenda sobre o tabernáculo; fizeram onze cortinas.

15 O comprimento de cada cortina era de trinta côvados, e a largura, de quatro côvados; as onze cortinas eram de igual medida.

16 Ajuntaram à parte cinco cortinas entre si e, de igual modo, as seis restantes.

17 E fizeram cinqüenta laçadas na orla da cortina, que estava na extremidade do primeiro agrupamento.

18 Fizeram também cinqüenta colchetes de bronze para ajuntar a tenda, para que viesse a ser um todo.

leithead i ngach brat; bhí na brait uile den aon mhiosúr.

10Cheangail sé cúig bhrat dá chéile agus mar an gcéanna leis na cúig cinn eile.

11Chuir sé lúba d'ábhar gorm ar imeall an bhrait deiridh de shraith díobh, agus mar an gcéanna leis an imeall ar an mbrat deiridh den tsraith eile.

12Chuir sé leathchéad lúb ar an gcéad bhrat agus leathchéad lúb, ag teacht leo ceann ar cheann, ar imeall an bhrait deiridh sa dara sraith.

13Rinne sé leathchéad nasc óir agus cheangail na brait le chéile leis na naisc i dtreo go mba aonad dlúth é an taibearnacal.

14Ansin rinne sé brait d'fhionnadh gabhair chun both a chur os cionn an taibearnacail; rinne sé aon bhrat déag.

15Bhí gach brat tríocha banlámh ar fad agus ceithre bhanlámh ar leithead; bhí gach brat den aon mhiosúr.

16Cheangail sé cúig bhrat le chéile leo féin, agus na sé cinn eile leo féin.

17Chuir sé leathchéad lúb ar imeall an bhrait ba shia amach ar an gcéad sraith díobh, agus leathchéad lúb ar imeall an bhrait ba shia amach ar an tsraith eile.

18Rinne sé leathchéad nasc cré-umha chun an bhoth a dhlúthú le chéile ina haon.

[19] Fizeram também de peles de carneiro tintas de vermelho uma coberta para a tenda e outra coberta de peles finas.

[19]Rinne sé díon don bhoth as craicne coirtithe reithe agus seithí gabhar.

A coberta de peles e as tábuas
Êxodo 26.14-30

[20] Fizeram também de madeira de acácia as tábuas para o tabernáculo, as quais eram colocadas verticalmente.

[20]Ansin rinne sé frámaí d'adhmad sitím don taibearnacal agus iad ina seasamh díreach.

[21] Cada uma das tábuas tinha dez côvados de comprimento e côvado e meio de largura.

[21]Bhí gach fráma deich mbanlámh ar fad agus banlámh go leith ar leithead.

[22] Cada tábua tinha dois encaixes, travados um com o outro; assim fizeram com todas as tábuas do tabernáculo.

[22]Bhí dhá thionúr ar gach fráma lena ngreamú; rinne sé amhlaidh do gach fráma den taibearnacal.

[23] No preparar as tábuas para o tabernáculo, fizeram vinte delas para o lado sul.

[23]Rinne sé frámaí an taibearnacail mar leanas: fiche fráma don taobh theas;

[24] Fizeram também quarenta bases de prata debaixo das vinte tábuas: duas bases debaixo de uma tábua para os seus dois encaixes e duas bases debaixo de outra tábua para os seus dois encaixes.

[24]rinne sé daichead moirtís airgid le cur faoi na fiche frámaí: faoin gcéad fhráma dhá mhoirtís dá dhá thionúr; agus faoi gach fráma eile dhá mhoirtís faoina dhá dtionúr.

[25] Também fizeram vinte tábuas ao outro lado do tabernáculo, para o lado norte,

[25]Don taobh eile den taibearnacail, an taobh thuaidh, rinne sé fiche fráma,

[26] com as suas quarenta bases de prata: duas bases debaixo de uma tábua e duas bases debaixo de outra tábua;

[26]agus a ndaichead moirtís airgid, dhá mhoirtís faoi gach fráma.

[27] ao lado do tabernáculo para o ocidente, fizeram seis tábuas.

[27]Agus do chúl an taibearnacail ar an taobh thiar, rinne sé sé fhráma.

[28] Fizeram também duas tábuas para os cantos do tabernáculo de ambos os lados,

[28]Rinne sé dhá fhráma do chúinní an taibearnacail laistiar.

[29] as quais, por baixo, estavam separadas, mas, em cima, se ajustavam à primeira argola; assim se fez com as duas tábuas nos dois cantos.

[29]Bhí [na frámaí] seo ceangailte dá chéile ag an mbonn thíos agus mar sin suas go buaic go dtí an chéad fháinne; mar sin a rinne sé leis an dá fhráma a bhí mar dhá chúinne.

[30] Assim eram as oito tábuas com as suas bases de prata, dezesseis bases: duas bases debaixo de uma tábua e duas debaixo de outra tábua.

[30]Bhí ocht bhfráma lena sé mhoirtís déag airgid; dhá mhoirtís faoi gach fráma.

[31] Fizeram também travessas de madeira de acácia; cinco para as tábuas de um lado do tabernáculo,

[31]Rinne sé trasnáin d'adhmad sitím; cúig trasnáin do na frámaí ar thaobh den taibearnacal,

[32] cinco para as tábuas do outro lado do tabernáculo e cinco para as tábuas do tabernáculo, ao lado posterior, que olha para o ocidente.

[32]agus cúig trasnáin do na frámaí ar an taobh eile den taibearnacal, agus cúig trasnáin do na frámaí ar chúl an taibearnacail ar an taobh thiar.

[33] A travessa do meio passava ao meio das tábuas, de uma extremidade à outra.

[33]Rinne sé an trasnán meánach; chuir sé ó cheann ceann é, leath slí suas ar lár na bhfrámaí.

[34] Cobriram de ouro as tábuas e de ouro fizeram as suas argolas, pelas quais passavam as travessas; e cobriram também de ouro as travessas.

[34]Chumhdaigh sé na frámaí d'ór agus chuir fáinní óir orthu mar ghreim do na trasnáin, agus chumhdaigh na trasnáin d'ór.

O véu, o reposteiro e as colunas

Êxodo 26.31-37

An Fial

[35] Fizeram também o véu de estofo azul, púrpura, carmesim e linho fino retorcido; com querubins o fizeram de obra de artista.

[35]Rinne sé an fial d'ábhar gorm agus corcra agus craorag agus de línéadach mín cas agus ceiribíní fuaite le barr slachta ar an ábhar á dhéanamh.

[36] E fizeram-lhe quatro colunas de madeira de acácia, cobertas de ouro; os seus colchetes eram de ouro, sobre quatro bases de prata.

[36]Chun an fial seo a chrochadh, rinne sé ceithre pollaí d'adhmad sitím agus chumhdaigh iad le hór; bhí a naisc d'ór, agus theilg sé ceithre mhoirtís airgid dóibh.

[37] Fizeram também para a porta da tenda um reposteiro de estofo azul, púrpura, carmesim e linho fino retorcido, obra de bordador,

[37]Rinne sé chomh maith scáthlán do dhoras an taibearnacail, d'ábhar gorm, corcra agus craorag, agus de línéadach cas mín agus greasadh snáthaide mar mhaise air.

[38] e as suas cinco colunas, e os seus colchetes; as suas cabeças e as suas

[38]Rinne sé cúig pollaí agus naisc ag gabháil leo chun é seo a chrochadh;

molduras cobriram de ouro, mas as suas cinco bases eram de bronze.

Êxodo 37

A arca
Êxodo 25.10-15

[1] Fez também Bezalel a arca de madeira de acácia; de dois côvados e meio era o seu comprimento, de um côvado e meio, a largura, e, de um côvado e meio, a altura.

[2] De ouro puro a cobriu; por dentro e por fora a cobriu e fez uma bordadura de ouro ao redor.

[3] Fundiu para ela quatro argolas de ouro e as pôs nos quatro cantos da arca: duas argolas num lado dela e duas argolas noutro lado.

[4] Fez também varais de madeira de acácia e os cobriu de ouro;

[5] meteu os varais nas argolas aos lados da arca, para se levar por meio deles a arca.

O propiciatório
Êxodo 25.17-22

[6] Fez também o propiciatório de ouro puro; de dois côvados e meio era o seu comprimento, e a largura, de um côvado e meio.

[7] Fez também dois querubins de ouro; de ouro batido os fez, nas duas extremidades do propiciatório.

[8] Um querubim, na extremidade de uma parte, e o outro, na extremidade da outra parte; de uma só peça com o propiciatório fez os querubins nas duas extremidades dele.

chumhdaigh sé a mullaí agus a dtrasnáin d'ór; ba de chré-umha a gcúig ceapa.

Eaxodus 37

An Áirc

[1]Rinne Bazalael an áirc d'adhmad sitím, dhá bhanláimh go leith ar fad, banlámh go leith ar leithead, agus banlámh go leith ar airde

[2]Chumhdaigh sé d'ór fíre í laistigh agus lasmuigh agus chuir múnlail óir mórthimpeall uirthi.

[3]Theilg sé ceithre fáinní óir don áirc agus chuir faoina ceithre cosa iad - dhá fháinne ar thaobh agus dhá fháinne ar thaobh eile.

[4]Rinne sé cuaillí de chrann sitím agus chumhdaigh iad d'ór.

[5]Chuir sé na cuaillí sna fáinní ar thaobhanna na háirce chun an áirc a iompar.

[6]Rinne sé cathaoir thrócaire d'ór fíre, dhá bhanláimh go leith ar fad, agus banlámh go leith ar leithead.

[7]Do dhá cheann na cathaoireach rinne sé dhá cheiribín óir bhuailte,

[8]ceiribín do cheann agus an ceiribín eile don cheann eile, agus ghreamaigh iad araon ar a dhá ceann agus iad d'aon phíosa le cathaoir na trócaire.

[9] Os querubins estendiam as asas por cima, cobrindo com elas o propiciatório; estavam eles de faces voltadas uma para a outra, olhando para o propiciatório.

[9]Leath na ceiribíní a sciatháin amach in airde i dtreo go raibh cathaoir na trocaire faoina scáth; thug na ceiribíní aghaidh ar a chéile agus a n-aighthe i dtreo chathaoir na trócaire.

A mesa

Êxodo 25.23-30

[10] Fez também a mesa de madeira de acácia; tinha o comprimento de dois côvados, a largura, de um côvado, e a altura, de um côvado e meio.

[11] De ouro puro a cobriu e lhe fez uma bordadura de ouro ao redor.

[12] Também lhe fez moldura ao redor, na largura de quatro dedos, e lhe fez uma bordadura de ouro ao redor da moldura.

[13] Também lhe fundiu quatro argolas de ouro e pôs as argolas nos quatro cantos que estavam nos seus quatro pés.

[14] Perto da moldura estavam as argolas, como lugares para os varais, para se levar a mesa.

[15] Fez os varais de madeira de acácia e os cobriu de ouro, para se levar a mesa.

[16] Também fez de ouro puro os utensílios que haviam de estar sobre a mesa: os seus pratos, e os seus recipientes para incenso, e as suas galhetas, e as suas taças em que se haviam de oferecer libações.

Bord Arán na Toirbheartha

[10]Rinne sé an bord mar an gcéanna d'adhmad sitím, dhá bhanláimh ar fad, banlámh ar leithead agus banlámh go leith ar airde.

[11]Chumhdaigh sé é le hór fíre agus chuir múnláil óir mórthimpeall air.

[12]Chuir sé teanntóga lámh ar leithead faoi mórthimpeall agus múnláil óir orthu.

[13]Rinne sé ceithre fáinní óir dó agus ghreamaigh na fáinní do na ceithre cúinní mar a raibh na cosa.

[14]Bhí na fáinní i gcóngar na dteanntóg d'fhonn na cuaillí a choimeád chun an bord a iompar.

[15]D'adhmad sitím a rinne sé na cuaillí chun an bord a iompar agus chumhdaigh sé iad le hór.

[16]Rinne sé na gréithe don bhord d'ór fíre - miasa, umair thúise, cuacha, agus crúscaí ofrála dí.

O candelabro

Êxodo 25.31-39

[17] Fez também o candelabro de ouro puro; de ouro batido o fez; o seu pedestal, a sua hástea, os seus cálices, as suas maçanetas e as suas flores formavam com ele uma só peça.

An Coinnleoir

[17]Rinne sé an coinnleoir chomh maith d'ór fíre; bhí an coinnleoir idir bhonn agus chrann d'obair bhuailte, agus a chupáin idir chailís agus bheangáin d'aon phíosa leis.

[18] Seis hásteas saíam dos seus lados; três de um lado e três do outro.

[19] Numa hástea havia três cálices com formato de amêndoas, uma maçaneta e uma flor; e três cálices com formato de amêndoas na outra hástea, uma maçaneta e uma flor; assim eram as seis hásteas que saíam do candelabro.

[20] Mas no candelabro mesmo havia quatro cálices com formato de amêndoas, com suas maçanetas e com suas flores.

[21] Havia uma maçaneta sob duas hásteas que saíam dele; e ainda uma maçaneta sob duas outras hásteas que saíam dele; e ainda mais uma maçaneta sob duas outras hásteas que saíam dele; assim se fez com as seis hásteas que saíam do candelabro.

[22] As suas maçanetas e as suas hásteas eram do mesmo; tudo era de uma só peça, obra batida de ouro puro.

[23] Também lhe fez sete lâmpadas; as suas espevitadeiras e os seus apagadores eram de ouro puro.

[24] De um talento de ouro puro se fez o candelabro com todos os seus utensílios.

O altar do incenso

Êxodo 30.1-10

[25] Fez de madeira de acácia o altar do incenso; tinha um côvado de comprimento, e um de largura (era

[18]Bhí sé ghéag amach as a chliatháin, trí ghéag den choinnleoir as taobh de agus trí ghéag as taobh eile.

[19]Bhí trí cupáin ar an gcead ghéag ar dhéanamh dhuilliúr na halmóinne, gach ceann lena chailís agus lena bheangáin; bhí trí cupáin chomh maith ar an dara géag ar dhéanamh dhuilliúr na halmóinne, gach ceann lena chailís agus lena bheangáin; mar an gcéanna leis na sé géaga amach as an gcoinnleoir.

[20]Ar an gcoinnleoir féin bhí ceithre cupáin ar dhéanamh dhuilliúr na halmóinne, gach ceann lena chailís agus lena bheangáin:

[21]mar seo - cailís faoin gcéad dá ghéag as an gcoinnleoir amach, ceann faoin gcéad chúpla eile agus ceann faoin gcúpla deiridh, ag teacht leis na sé géaga as an gcoinnleoir amach.

[22]Bhí na cailísí agus na géaga d'aon phíosa leis an gcoinnleoir, agus an t-iomlán ina aon phíosa de obair bhuailte óir fíre.

[23]Rinne sé a sheacht lampaí ansin, a smóladáin agus a shileadáin d'ór fíre.

[24]Chaith sé tallann d'ór fíre leis an gcoinnleoir agus lena ghréithe a dhéanamh.

Altóir na Túise - Criosma - Túis

[25]Rinne sé altóir na túise d'adhmad sitím. Bhí sí banlámh ar fad, banlámh ar leithead; comhfad comhleithead is é sin,

quadrado), e dois de altura; os chifres formavam uma só peça com ele.

agus dhá bhanláimh ar airde; bhí a beanna d'aon phíosa léi.

[26] De ouro puro o cobriu, a parte superior, as paredes ao redor e os chifres; e lhe fez uma bordadura de ouro ao redor.

[26]Rinne sé í a chumhdach d'ór fíre - a barr, a cliatháin timpeall agus a beanna, agus í a mhaisiú le múnláil óir mórthimpeall uirthi.

[27] Também lhe fez duas argolas de ouro debaixo da bordadura, de ambos os lados as fez; nelas, se meteram os varais para se levar o altar;

[27]Rinne sé dhá fháinne óir di, faoin múnláil ar dhá thaobh ar aghaidh a chéile; leosan is ea a ghreamaítí na cuaillí lena n-iompraití í.

[28] de madeira de acácia fez os varais e os cobriu de ouro.

[28]Rinne sé na cuaillí d'adhmad sitím; agus chumhdaigh sé iad le hór.

O óleo sagrado e o incenso santo
Êxodo 30.22-38

[29] Fez também o óleo santo da unção e o incenso aromático, puro, de obra de perfumista.

[29]Rinne sé an criosma naofa leis, agus an túis ghlan chumhra, í cumasctha mar a dhéanfadh poitigéir.

Êxodo 38

O altar do holocausto
Êxodo 27.1-8

[1] Fez também o altar do holocausto de madeira de acácia; de cinco côvados era o comprimento, e de cinco, a largura (era quadrado o altar), e de três côvados, a altura.

[2] Dos quatro cantos fez levantar-se quatro chifres, os quais formavam uma só peça com o altar; e o cobriu de bronze.

[3] Fez também todos os utensílios do altar: recipientes para recolher as suas cinzas, e pás, e bacias, e garfos, e braseiros; todos esses utensílios, de bronze os fez.

[4] Fez também para o altar uma grelha de bronze em forma de rede, do rebordo do

Eaxodus 38

Altóir an Uileloiscthe

[1]Rinne sé altóir an uileloiscthe d'adhmad sitím chomh maith, cúig bhanlámh ar fad, agus cúig bhanlámh ar leithead; bhí sí cearnógach agus trí bhanlámh ar airde.

[2]Rinne sé beanna dá ceithre cúinní; bhí a beanna d'aon phíosa léi, agus chumhdaigh sé í de chré-umha.

[3]Rinne sé árais uile na haltóra: miasa i gcomhair a luaithrigh, agus liacha, agus báisíní, agus gabhla, agus oighinn; de chré-umha a rinne sé soithí uile na haltóra.

[4]Rinne sé gráta di de chliath chré-umha, agus chuir faoi fhargán na haltóra í i dtreo gur shín sí leath slí anuas.

altar para baixo, a qual chegava até ao meio do altar.

5 Fundiu quatro argolas para os quatro cantos da grelha de bronze, para nelas se meterem os varais.

6 Fez os varais de madeira de acácia e os cobriu de bronze.

7 Meteu os varais nas argolas, de um e de outro lado do altar, para ser levado; oco e de tábuas o fez.

A bacia de bronze
Êxodo 30.17-21

8 Fez também a bacia de bronze, com o seu suporte de bronze, dos espelhos das mulheres que se reuniam para ministrar à porta da tenda da congregação.

O átrio e o reposteiro
Êxodo 27.9-19

9 Fez também o átrio ao lado meridional (que dá para o sul); as cortinas do átrio eram de linho fino retorcido, de cem côvados de comprimento.

10 As suas vinte colunas e as suas bases eram de bronze; os ganchos das colunas e as suas vergas eram de prata.

11 De igual modo para o lado norte havia cortinas de cem côvados de comprimento; as suas vinte colunas e as suas vinte bases eram de bronze; os ganchos das colunas e as suas vergas eram de prata.

12 Para o lado do ocidente havia cortinas de cinqüenta côvados; as suas colunas eram dez, e as suas bases, dez; os ganchos das colunas e as suas vergas eram de prata.

13 Do lado oriental (para o levante), eram as cortinas de cinqüenta côvados.

5Rinne sé ceithre fáinní ar cheithre cúinní na cléithe cré-umha chun na cuaillí a iompar.

6Rinne sé cuaillí d'adhmad sitím agus chumhdaigh iad de chré-umha.

7Chuir sé na cuaillí trí na fáinní ar thaobhanna na haltóra chun í a iompar lena gcabhair; rinne sé an altóir de chláir agus í folamh laistigh.

An tUmar

8Rinne sé an t-umar cré-umha agus a bhonn cré-umha de scátháin na mban a bhí ag freastal ag an doras isteach go Both na Teagmhála.

An Fhaiche

9Rinne sé an fhaiche; ar an taobh theas den fhaiche, bhí brait céad banlámh ar fad de líneadach mín cas.

10Bhí a bhfiche polla agus a bhfiche ceap de chré-umha, ach ba d'airgead a naisc agus a mbataí.

11Mar an gcéanna ar an taobh thuaidh bhí brait céad banlámh ar fad; a bhfiche polla agus a bhfiche ceap de chré-umha, ach bhí na naisc agus na bataí d'airgead.

12Ar an taobh thiar leis bhí brait leathchéad banlámh ar dheich bpolla lena ndeich gceapa; bhí a naisc agus a mbataí d'airgead.

13Ar an taobh thoir chun tosaigh bhí brait leathchéad banlámh.

[14] As cortinas para um lado da entrada eram de quinze côvados; e as suas colunas eram três, e as suas bases, três.

[15] Para o outro lado da entrada do átrio, de um e de outro lado da entrada, eram as cortinas de quinze côvados; as suas colunas eram três, e as suas bases, três.

[16] Todas as cortinas ao redor do átrio eram de linho fino retorcido.

[17] As bases das colunas eram de bronze; os ganchos das colunas e as suas vergas eram de prata.

[18] O reposteiro da porta do átrio era de obra de bordador, de estofo azul, púrpura, carmesim e linho fino retorcido; o comprimento era de vinte côvados, e a altura, na largura, era de cinco côvados, segundo a medida das cortinas do átrio.

[19] As suas quatro colunas e as suas quatro bases eram de bronze, os seus ganchos eram de prata, e o revestimento das suas cabeças e as suas vergas, de prata.

[20] Todos os pregos do tabernáculo e do átrio ao redor eram de bronze.

A enumeração das coisas do tabernáculo

[21] Esta é a enumeração das coisas para o tabernáculo, a saber, o tabernáculo do Testemunho, segundo, por ordem de Moisés, foram contadas para o serviço dos levitas, por intermédio de Itamar, filho do sacerdote Arão.

[22] Fez Bezalel, filho de Uri, filho de Hur, da tribo de Judá, tudo quanto o SENHOR ordenara a Moisés.

[14]Ar thaobh den gheata bhí brait cúig bhanlámh déag le trí pollaí i dtrí ceapa.

[15]Mar an gcéanna ar an taobh eile - ón dá thaobh de gheata na faiche - bhí brait cúig bhanlámh déag le trí pollaí agus trí ceapa.

[16]Bhí na brait go léir timpeall na cúirte de línéadach mín cas.

[17]Ba de chré-umha ceapa na bpollaí ach ba d'airgead a naisc agus mbataí, mar aon le cumhdach a mullaí. Ba d'airgead bataí uile pollaí na faiche.

[18]Bhí an chliath do gheata na faiche gréasta d'obair shnáthaide d'ábhar gorm agus corcra agus craorag agus de líneadach mín cas; bhí sé fiche banlámh ar fad, agus, ar feadh a leithe, bhí sí cúig bhanlámh ar airde, ar aon dul le brait na faiche.

[19]Bhí ceithre pholla fúithi; ba de chré-umha a gceapa, d'airgead a naisc agus cumhdach a mullaí agus a mbataí d'airgead.

[20]Pionnaí uile an taibearnacail, agus na faiche mórthimpeall, ba de chré-umha iad.

An tÁbhar a Úsáideadh

[21]Seo cur síos ar na miotail a úsáideadh don taibearnacal - Taibearnacal na Fianaise - cur síos a rinneadh ar ordú Maois, agus a rinneadh ag na Léivítigh faoi threoir Íteámár mac Árón an sagart.

[22]Rinne Bazalael mac Úirí mac Húr de threibh Iúdá gach ar ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[23] E, com ele, Aoliabe, filho de Aisamaque, da tribo de Dã, mestre de obra, desenhista e bordador em estofo azul, púrpura, carmesim e linho fino.

[24] Todo o ouro empregado na obra, em toda a obra do santuário, a saber, o ouro da oferta, foram vinte e nove talentos e setecentos e trinta siclos, segundo o siclo do santuário.

[25] A prata dos arrolados da congregação foram cem talentos e mil e setecentos e setenta e cinco siclos, segundo o siclo do santuário:

[26] um beca por cabeça, isto é, meio siclo, segundo o siclo do santuário, de qualquer dos arrolados, de vinte anos para cima, que foram seiscentos e três mil quinhentos e cinqüenta.

[27] Empregaram-se cem talentos de prata para fundir as bases do santuário e as bases do véu; para as cem bases, cem talentos: um talento para cada base.

[28] Dos mil setecentos e setenta e cinco siclos, fez os colchetes das colunas, e cobriu as suas cabeças, e lhes fez as vergas.

[29] O bronze da oferta foram setenta talentos e dois mil e quatrocentos siclos.

[30] Dele fez as bases da porta da tenda da congregação, e o altar de bronze, e a sua grelha de bronze, e todos os utensílios do altar,

[31] e as bases do átrio ao redor, e as bases da porta do átrio, e todas as estacas do

[23]Mar pháirtí aige bhí Ohoilíáb mac Aichíosámác de threibh Dhán, ceardaí agus dearthóir agus bróidnéir in ábhar gorm agus corcra agus craorag agus línéadach mín cas.

[24]Sé an méid óir a úsáideadh san obair - obair iomlán an tsanctóra - (ór a ofráladh a ba ea é): naoi dtallann fichead, agus seacht gcéad agus a tríocha seicil (de réir thomhas seicil an tsanctóra).

[25]Sé an méid airgid a cruinníodh uathu siúd den chomhthionól a áiríodh: céad tallann, agus míle seacht gcéad seachtó cúig seicil de réir seicil an tsanctóra;

[26]fiche beica an duine (leath seicil is é sin, de réir thomhas seicil an tsanctóra) i gcomhair gach duine a áiriodh sa daonáireamh a bhí fiche bliain agus breis, sé chéad agus a trí mhíle, cúig chéad go leith fear.

[27]Caitheadh an céad tallann airgid ag déanamh na gceap don sanctóir agus don fhial; céad ceap as an gcéad tallann, nó tallann an ceap.

[28]Leis an míle seacht gcéad seachtó agus cúig seicil, rinne sé na naisc do na pollaí, an cumhdach dá mullaí agus dá mbataí.

[29]Ofráladh seachtó tallann agus dhá mhíle ceithre chéad seicil de chré-umha.

[30]Leis sin rinne sé na ceapa do dhoras Bhoth na Teagmhála, an altóir chré-umha lena cliath chré-umha agus gréithe uile na haltóra,

[31]na ceapa mórthimpeall na faiche agus na ceapa do gheata na faiche, pionnaí uile an

tabernáculo, e todas as estacas do átrio ao redor.

taibearnacail, agus na pionnaí go léir timpeall ar an bhfaiche.

Êxodo 39

As vestes dos sacerdotes
Êxodo 28.1-43

[1] Fizeram também de estofo azul, púrpura e carmesim as vestes, finamente tecidas, para ministrar no santuário, e também fizeram as vestes sagradas para Arão, como o SENHOR ordenara a Moisés.

[2] Fizeram a estola sacerdotal de ouro, estofo azul, púrpura, carmesim e linho fino retorcido.

[3] De ouro batido fizeram lâminas delgadas e as cortaram em fios, para permearem entre o estofo azul, a púrpura, o carmesim e o linho fino da obra de desenhista.

[4] Tinha duas ombreiras que se ajuntavam às suas duas extremidades, e assim se uniam.

[5] O cinto de obra esmerada, que estava sobre a estola sacerdotal, era de obra igual, da mesma obra de ouro, estofo azul, púrpura, carmesim e linho fino retorcido, segundo o SENHOR ordenara a Moisés.

[6] Também se prepararam as pedras de ônix, engastadas em ouro, trabalhadas como lavores de sinete, com os nomes dos filhos de Israel,

[7] e as puseram nas ombreiras da estola sacerdotal, por pedras de memória aos filhos de Israel, segundo o SENHOR ordenara a Moisés.

Eaxodus 39

An tÉafód

[1]Rinne siad éidí slachtmhara do sheirbhís an tsanctóra den ábhar gorm agus corcra agus craorag [agus den línéadach cas mín]. Rinneadar na héidí naofa do Árón mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[2]Rinneadar an t-éafód d'ór agus d'ábhar gorm agus corcra agus craorag agus de línéadach mín cas.

[3]Bhuaileadar an t-ór ina lanna caola agus gearradh ina snáthanna é le hinleadh san ábhar gorm agus corcra agus craorag agus sa linéadach mín cas i ndearadh slachtmhar.

[4]Rinneadar guailleáin don éafód, ceangailte dá dhá imeall á choimeád le chéile.

[5]An crios fite a bhí air á choimeád bhí sé den ábhar céanna agus den déantús céanna, d'ór, d'ábhar gorm agus corcra agus craorag agus de línéadach cas mín, mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[6]Dhearadar clocha oinisce agus luíodar iad i leapacha de fhiolagráin óir agus ghreanadar orthu, mar a dhéanfaí ar shéala, ainmneacha chlann Iosrael.

[7]Chuir sé iad ar ghuailleáin an éafód le bheith ina gclocha cuimhne ar chlann Iosrael, mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

Lúireach an Bhreithiúnais

[8] Fizeram também o peitoral de obra esmerada, conforme a obra da estola sacerdotal: de ouro, estofo azul, púrpura, carmesim e linho fino retorcido.

[8]Rinne sé an lúireach d'obair shlachtmhar; rinne sé í ar dhéantús an éafód, d'ór agus d'ábhar gorm agus corcra agus craorag, agus de línéadach mín cas.

[9] Era quadrado; duplo fizeram o peitoral: de um palmo era o seu comprimento, e de um palmo dobrado, a sua largura.

[9]Bhí sí cearnógach, fillte uirthi féin, réise ar fad agus réise ar leithead.

[10] Colocaram, nele, engastes de pedras, com quatro ordens de pedras: a ordem de sárdio, topázio e carbúnculo era a primeira;

[10]Leagadar ceithre shraith cloch inti: sard, tópas, agus carmhogal sa chéad sraith;

[11] a segunda ordem era de esmeralda, safira e diamante;

[11]smaragaid, saifír, agus diamant sa dara sraith;

[12] a terceira ordem era de jacinto, ágata e ametista;

[12]iasaint, agáit, agus aimitis sa tríú sraith;

[13] e a quarta ordem era de berilo, ônix e jaspe; eram elas guarnecidas de ouro nos seus engastes.

[13]beiril, oinisc agus seaspar sa cheathrú sraith. Bhíodar go léir luite ar leaba d'fhiolagrán óir.

[14] As pedras eram conforme os nomes dos filhos de Israel, doze segundo os seus nomes; eram esculpidas como sinete, cada uma com o seu nome para as doze tribos.

[14]Bhí ainmneacha chlann Iosrael orthu, agus a dó dhéag a líon de réir líon na n-ainmneacha. Bhíodar greanta mar a bheadh séalaí, a ainm féin greanta ar gach ceann, ag freagairt don dá threibh déag.

[15] E fizeram para o peitoral correntes como cordas, de obra trançada de ouro puro.

[15]Rinneadar dhá shlabhra d'ór fíre, fite mar chorda, don lúireach.

[16] Também fizeram para o peitoral dois engastes de ouro e duas argolas de ouro; e puseram as duas argolas nas extremidades do peitoral.

[16]Agus rinneadar dhá chnota d'fhiolagrán óir agus dhá fháinne óir agus chuireadar an dá fháinne ar dhá imeall na lúirí,

[17] E meteram as duas correntes trançadas de ouro nas duas argolas, nas extremidades do peitoral.

[17]agus chuireadar an dá shlabhra óir sa dá fháinne ag imill na lúirí.

[18] As outras duas pontas das duas correntes trançadas meteram nos dois

[18]Cheanglaíodar dhá cheann eile na slabhraí don dá chnota fiolagráin i slí is

engastes e as puseram nas ombreiras da estola sacerdotal, na frente dele.

19 Fizeram também duas argolas de ouro e as puseram nas duas extremidades do peitoral, na sua orla interior oposta à estola sacerdotal.

20 Fizeram também mais duas argolas de ouro e as puseram nas duas ombreiras da estola sacerdotal, abaixo, na frente dele, perto da sua juntura, sobre o cinto de obra esmerada da estola sacerdotal.

21 E ligaram o peitoral com as suas argolas às argolas da estola sacerdotal, por cima com uma fita azul, para que estivesse sobre o cinto de obra esmerada da estola sacerdotal, e nunca o peitoral se separasse da estola sacerdotal, segundo o SENHOR ordenara a Moisés.

22 Fizeram também a sobrepeliz da estola sacerdotal, de obra tecida, toda de estofo azul.

23 No meio dela havia uma abertura; era debruada como abertura de uma saia de malha, para que se não rompesse.

24 Em toda a orla da sobrepeliz, fizeram romãs de estofo azul, carmesim e linho retorcido.

25 Fizeram campainhas de ouro puro e as colocaram no meio das romãs em toda a orla da sobrepeliz;

26 uma campainha e uma romã, outra campainha e outra romã, em toda a orla da sobrepeliz, para se usar ao ministrar, segundo o SENHOR ordenara a Moisés.

gur ghreamaíodar iad de ghuailleáin an éafód chun tosaigh.

19Rinneadar dhá fháinne óir agus ghreamaíodar iad do dhá chúinne íochtaracha na lúirí, ar an bhfáithim laistigh le hais an éafód.

20Agus rinneadar dhá fháinne óir eile agus ghreamaíodar iad d'íochtar dhá ghuailleán an éafód in aice leis an gceangal, lastuas de chrios fite an éafód.

21Cheanglaíodar an lúireach don éafód le lása gorm trína bhfáinní araon, i dtreo gur luigh sí ar chrios fite an éafód agus nár scar an lúireach ón éafód, faoi mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

An Fhallaing

22Ansin rinneadar fallaing an éafód go léir a fhí d'ábhar gorm.

23Bhí an oscailt ina lár dála muiníl chathéide; timpeall na hoscailte bhí fáithim d'fhonn nach sracfaí an fhallaing.

24Ar a fáithim íochtair bhí maisiú de phomagránaití, d'ábhar gorm agus corcra agus craorag agus de línéadach mín cas.

25Rinneadar chomh maith cloigíní d'ór fíre agus chuireadar timpeall fáithime íochtaraí na fallainge iad idir na pomagránaití;

26bhí cloigíní agus pomagránaití, gach re ceann, timpeall fáithim íochtarach fhallaing na seirbhíse mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[27] Fizeram também as túnicas de linho fino, de obra tecida, para Arão e para seus filhos,

[28] e a mitra de linho fino, e as tiaras de linho fino, e os calções de linho fino retorcido,

[29] e o cinto de linho fino retorcido, e de estofo azul, e de púrpura, e de carmesim, obra de bordador, segundo o SENHOR ordenara a Moisés.

[30] Também fizeram de ouro puro a lâmina da coroa sagrada e, nela, gravaram à maneira de gravuras de sinete: Santidade ao SENHOR.

[31] E ataram-na com um cordão de estofo azul, para prender a lâmina à parte superior da mitra, segundo o SENHOR ordenara a Moisés.

Os utensílios do tabernáculo completados

Êxodo 35.10-19

[32] Assim se concluiu toda a obra do tabernáculo da tenda da congregação; e os filhos de Israel fizeram tudo segundo o SENHOR tinha ordenado a Moisés; assim o fizeram.

[33] Depois, trouxeram a Moisés o tabernáculo, a tenda e todos os seus pertences, os seus colchetes, as suas tábuas, as suas vergas, as suas colunas e as suas bases;

[34] a coberta de peles de carneiro tintas de vermelho, e a coberta de peles finas, e o véu do reposteiro;

[35] a arca do Testemunho, e os seus varais, e o propiciatório;

Éidí na Sagart

[27]Ansin rinneadar na hionair chomh maith, fite as línéadach mín, d'Árón agus dá mhic;

[28]agus an cheannbheart de línéadach mín agus na boinéid de líneadach mín, agus na brístí línéadaigh de línéadach mín cas,

[29]agus an crios de línéadach mín cas agus de ábhar gorm agus corcra agus craorag, maisithe le hobair shnáthaide, faoi mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[30]Rinneadar mar an gcéanna an lann don choróin naofa, d'ór fíre agus “Naofa don Tiarna” greanta uirthi, faoi mar a dhéanfadh duine ar shéala.

[31]Ghreamaiodar lása glas dó seo á cheangal den cheannbheart lastuas, faoi mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[32]Críochnaíodh ar an gcuma sin obair uile an taibearnacail agus Bhoth na Teagmhála; bhí gach ní déanta ag clann Iosrael; díreach mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois is ea a rinneadar.

An Toradh á Chur i Láthair Mhaois

[33]Thugadar an taibearnacal go dtí Maois, agus an Bhoth agus a gréithe, a naisc, a frámaí, a bataí, a pollaí, a ceapa;

[34]an díon de sheithí coirtithe reithe agus de sheithí gabhar, agus fial na cléithe;

[35]áirc na Fianaise lena cuaillí agus lena cathaoir thrócaire;

[36] a mesa com todos os seus utensílios e os pães da proposição;

[37] o candelabro de ouro puro com suas lâmpadas; as lâmpadas colocadas em ordem, e todos os seus utensílios, e o azeite para a iluminação;

[38] também o altar de ouro, e o óleo da unção, e o incenso aromático, e o reposteiro da porta da tenda;

[39] o altar de bronze, e a sua grelha de bronze, e os seus varais, e todos os seus utensílios, e a bacia, e o seu suporte;

[40] as cortinas do átrio, e as suas colunas, e as suas bases, e o reposteiro para a porta do átrio, e as suas cordas, e os seus pregos, e todos os utensílios do serviço do tabernáculo, para a tenda da congregação;

[41] as vestes finamente tecidas para ministrar no santuário, e as vestes sagradas do sacerdote Arão, e as vestes de seus filhos, para oficiarem como sacerdotes.

[42] Tudo segundo o SENHOR ordenara a Moisés, assim fizeram os filhos de Israel toda a obra.

[43] Viu, pois, Moisés toda a obra, e eis que a tinham feito segundo o SENHOR havia ordenado; assim a fizeram, e Moisés os abençoou.

Êxodo 40

Deus manda Moisés levantar o tabernáculo

[1] Depois, disse o SENHOR a Moisés:

[2] No primeiro dia do primeiro mês, levantarás o tabernáculo da tenda da congregação.

[36]an bord lena ghréithe go léir agus arán na láithreachta;

[37]an coinnleoir d'ór fíre lena lampaí - na lampaí a bhí le cur ann - agus lena ghréithe go léir; an ola don solas;

[38]an altóir óir, an criosma, an túis chumhra, agus an scáthlán do dhoras na botha;

[39]an altóir chré-umha lena gráta de chré-umha, a cuaillí agus a gréithe go léir; an t-umar agus a bhonn;

[40]na brait don fhaiche, a pollaí agus a ceapa, an scáthlán do gheata na faiche, a shlabhraí agus a phionnaí; agus na gréithe go léir don tseirbhís sa taibearnacal, do Bhoth na Teagmhála;

[41]na heidí dea-dhéanta don tseirbhís san áit naofa, na héidí naofa d'Árón an sagart agus na héidí dá mhic le fónamh mar shagairt.

[42]Bhí an obair go léir déanta ag clann Iosrael sa tslánchruinne faoi mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[43]D'iniúch Maois an obair go léir agus ba léir dó go raibh sé go léir déanta acu mar a d'ordaigh an Tiarna. Bheannaigh Maois iad.

Eaxodus 40

An Sanctóir á Thógáil agus á Choisreacan

[1]Labhair an Tiarna le Maois:

[2]“Ar an gcéad lá den chéad mhí,” ar sé, “déanfaidh tú taibearnacal Bhoth na Teagmhála a thógáil.

[3] Porás, nele, a arca do Testemunho e a cobrirás com o véu.

[4] Meterás, nele, a mesa e porás por ordem as coisas que estão sobre ela; também meterás, nele, o candelabro e acenderás as suas lâmpadas.

[5] Porás o altar de ouro para o incenso diante da arca do Testemunho e pendurarás o reposteiro da porta do tabernáculo.

[6] Porás o altar do holocausto diante da porta do tabernáculo da tenda da congregação.

[7] Porás a bacia entre a tenda da congregação e o altar e a encherás de água.

[8] Depois, porás o átrio ao redor e pendurarás o reposteiro à porta do átrio.

[9] E tomarás o óleo da unção, e ungirás o tabernáculo e tudo o que nele está, e o consagrarás com todos os seus pertences; e será santo.

[10] Ungirás também o altar do holocausto e todos os seus utensílios e consagrarás o altar; e o altar se tornará santíssimo.

[11] Então, ungirás a bacia e o seu suporte e a consagrarás.

[12] Farás também chegar Arão e seus filhos à porta da tenda da congregação e os lavarás com água.

[13] Vestirás Arão das vestes sagradas, e o ungirás, e o consagrarás para que me oficie como sacerdote.

[3]Cuir ann áirc na Fianaise, agus folaigh an áirc leis an bhfial.

[4]Tabhair an bord isteach; cóirigh a bhfuil le heagrú air, agus tabhair isteach an coinnleoir agus cóirigh a lampaí.

[5]Cuir an altóir óir don túis os comhair áirc na Fianaise, agus cuir suas an scáthlán mar chomhla ar dhoras an taibearnacail.

[6]Cuir altóir an uileloiscthe os comhair dhoras thaibearnacal Bhoth na Teagmhála

[7]agus cuir an t-umar idir Both na Teagmhála agus an altóir agus líon d'uisce é.

[8]Cuir suas fál na faiche mórthimpeall agus croch an scáthlán mar gheata ar an bhfaiche.

[9]Glac chugat an criosma ansin agus déan an taibearnacal agus gach a bhfuil ann a ungadh, agus coisric é féin agus a ghréithe go léir d'fhonn áit naofa a dheanamh de.

[10]Déan altóir an uileloiscthe a ungadh chomh maith, agus a gréithe go léir, agus coisric an altóir agus beidh sí sárnaofa feasta.

[11]Déan an t-umar agus a bhonn a ungadh agus a choisreacan.

[12]Beir leat Árón agus a mhaca go doras Bhoth na Teagmhála agus nigh le huisce iad,

[13]agus cuir na héidí naofa ar Árón agus déan é a ungadh agus a choisreacan le fónamh dom mar shagart.

[14] Também farás chegar seus filhos, e lhes vestirás as túnicas,

[15] e os ungirás como ungiste seu pai, para que me oficiem como sacerdotes; sua unção lhes será por sacerdócio perpétuo durante as suas gerações.

O tabernáculo é levantado

[16] E tudo fez Moisés segundo o SENHOR lhe havia ordenado; assim o fez.

[17] No primeiro mês do segundo ano, no primeiro dia do mês, se levantou o tabernáculo.

[18] Moisés levantou o tabernáculo, e pôs as suas bases, e armou as suas tábuas, e meteu, nele, as suas vergas, e levantou as suas colunas;

[19] estendeu a tenda sobre o tabernáculo e pôs a coberta da tenda por cima, segundo o SENHOR ordenara a Moisés.

[20] Tomou o Testemunho, e o pôs na arca, e meteu os varais na arca, e pôs o propiciatório em cima da arca.

[21] Introduziu a arca no tabernáculo, e pendurou o véu do reposteiro, e com ele cobriu a arca do Testemunho, segundo o SENHOR ordenara a Moisés.

[22] Pôs também a mesa na tenda da congregação, ao lado do tabernáculo, para o norte, fora do véu,

[23] e sobre ela pôs em ordem os pães da proposição perante o SENHOR, segundo o SENHOR ordenara a Moisés.

[14]Beir a mhic isteach chomh maith agus cuir ionair umpu,

[15]agus déan iad a ungadh dála a n-athar, d'fhonn go ndéanfaidís fónamh dom mar shagairt. An t-ungadh seo a dhéanfaidh tú orthu, bronnfaidh sé sagartacht shíoraí orthu ó ghlúin go glúin."

Na hOrduithe á gcur i gCrích

[16]Rinne Maois amhlaidh; rinne sé sa tslánchruinne mar a d'ordaigh an Tiarna dó.

[17]An chéad mhí den dara bliain, an chéad lá den mhí sin, cuireadh suas an taibearnacal,

[18]Maois a thóg an taibearnacal, a leag a cheapa, a chuir suas a fhrámaí, agus a d'ardaigh a phollaí.

[19]Leath sé an bhoth ar an taibearnacal, agus ar a bharrsan díon na botha mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[20]Ghlac sé chuige an Fhianaise agus chuir san áirc í, chuir sé na cuaillí leis an áirc agus chuir cathaoir na trócaire ina luí ar an áirc;

[21]thug sé an áirc isteach sa taibearnacal, chuir an fial folaithe i bhfearas, agus d'fholaigh sé áirc na Fianaise mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[22]Chuir sé an bord i mBoth na Teagmhála, ar an taobh thuaidh den taibearnacal, lasmuigh den fhial,

[23]agus leag an t-arán air, cóirithe i láthair an Tiarna, faoi mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[24] Pôs também, na tenda da congregação, o candelabro defronte da mesa, ao lado do tabernáculo, para o sul,

[25] e preparou as lâmpadas perante o SENHOR, segundo o SENHOR ordenara a Moisés.

[26] Pôs o altar de ouro na tenda da congregação, diante do véu,

[27] e acendeu sobre ele o incenso aromático, segundo o SENHOR ordenara a Moisés.

[28] Pendurou também o reposteiro da porta do tabernáculo,

[29] pôs o altar do holocausto à porta do tabernáculo da tenda da congregação e ofereceu sobre ele holocausto e oferta de cereais, segundo o SENHOR ordenara a Moisés.

[30] Pôs a bacia entre a tenda da congregação e o altar e a encheu de água, para se lavar.

[31] Nela, Moisés, Arão e seus filhos lavavam as mãos e os pés,

[32] quando entravam na tenda da congregação e quando se chegavam ao altar, segundo o SENHOR ordenara a Moisés.

[33] Levantou também o átrio ao redor do tabernáculo e do altar e pendurou o reposteiro da porta do átrio. Assim Moisés acabou a obra.

A nuvem cobre o tabernáculo
Números 9.15-23

[24]Chuir sé an coinnleoir i mBoth na Teagmhála, os comhair an bhoird ar an taobh theas den taibearnacal,

[25]agus chóirigh na lampaí i láthair an Tiarna mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[26]Chuir sé an altóir óir i mBoth na Teagmhála os comhair an fhéil,

[27]agus loisc sé túis chumhra uirthi, faoi mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[28]Chuir sé an scáthlán ar dhoras an taibearnacail i bhfearas.

[29]Chuir sé suas altóir an uileloiscthe ag doras thaibearnacal Bhoth na Teagmhála, agus d'ofráil sé uirthi an ofráil loiscthe agus an abhlann, mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[30]Leag sé an t-umar idir Both na Teagmhala agus an altóir, agus líon é le huisce ionlaithe,

[31]le go nífeadh Árón agus a chlann mhac a lámha agus a gcosa leis;

[32]nuair a théidís isteach i mBoth na Teagmhála, nó nuair a théidís i gcóngar na haltóra, nídís iad féin, faoi mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[33]Ansin chuir sé fál na faiche timpeall an taibearnacail agus na haltóra, agus chroch an scáthlán mar gheata ar an bhfaiche. Chuir Maois an clabhsúr ar an saothar amhlaidh sin.

An Tiarna ag Gabháil Seilbhe

[34] Então, a nuvem cobriu a tenda da congregação, e a glória do SENHOR encheu o tabernáculo.

[35] Moisés não podia entrar na tenda da congregação, porque a nuvem permanecia sobre ela, e a glória do SENHOR enchia o tabernáculo.

[36] Quando a nuvem se levantava de sobre o tabernáculo, os filhos de Israel caminhavam avante, em todas as suas jornadas;

[37] se a nuvem, porém, não se levantava, não caminhavam, até ao dia em que ela se levantava.

[38] De dia, a nuvem do SENHOR repousava sobre o tabernáculo, e, de noite, havia fogo nela, à vista de toda a casa de Israel, em todas as suas jornadas.

[34]Chlúdaigh an néal Both na Teagmhála, agus líon glóir an Tiarna an taibearnaca.

[35]Níor fhéad Maois dul isteach i mBoth na Teagmhála mar gur luigh an néal uirthi agus gur líon glóir an Tiarna an taibearnacal.

An Néal á dTreorú

[36]Gach céim dá n-aistear, aon uair a ardaítí an néal ón taibearnacal, chuireadh clann Iosrael chun siúil arís.

[37]Mura n-ardófaí an néal, d'fhanaidís gan bogadh ar aghaidh go dtí go ndéanfaí.

[38]Óir luíodh néal an Tiarna ar an taibearnacal sa lá, agus bhíodh tine ar lasadh ann san oíche, agus sin le feiceáil ag teaghlach Iosrael go léir, gach céim dá n-aistear.

O terceiro livro de Moisés chamado Levítico

Levítico 1

Os holocaustos

[1] Chamou o SENHOR a Moisés e, da tenda da congregação, lhe disse:

[2] Fala aos filhos de Israel e dize-lhes: Quando algum de vós trouxer oferta ao SENHOR, trareis a vossa oferta de gado, de rebanho ou de gado miúdo.

[3] Se a sua oferta for holocausto de gado, trará macho sem defeito; à porta da tenda da congregação o trará, para que o homem seja aceito perante o SENHOR.

[4] E porá a mão sobre a cabeça do holocausto, para que seja aceito a favor dele, para a sua expiação.

[5] Depois, imolará o novilho perante o SENHOR; e os filhos de Arão, os sacerdotes, apresentarão o sangue e o aspergirão ao redor sobre o altar que está diante da porta da tenda da congregação.

[6] Então, ele esfolará o holocausto e o cortará em seus pedaços.

[7] E os filhos de Arão, o sacerdote, porão fogo sobre o altar e porão em ordem lenha sobre o fogo.

[8] Também os filhos de Arão, os sacerdotes, colocarão em ordem os pedaços, a saber, a cabeça e o redenho, sobre a lenha que está no fogo sobre o altar.

[9] Porém as entranhas e as pernas, o sacerdote as lavará com água; e queimará tudo isso sobre o altar; é holocausto,

Léivític

Léivític 1

Uileloscadh

[1]Ghlaoigh an Tiarna ar Mhaois agus labhair leis ó Bhoth na Teagmhála á rá:

[2]“Labhair le clann Iosrael agus abair leo: Nuair a thagann duine agaibh le hofráil don Tiarna tugaigí bhur n-ainmhí le hofráil on táin nó ón tréad.

[3]Más beithíoch ón táin atá á ofráil aige ina íobairt uileloiscthe, ofráladh sé fireannach gan mháchail, agus ofráladh sé é ag doras Bhoth na Teagmhála i dtreo go mbeadh sé taitneamhach i láthair an Tiarna.

[4]Leagadh sé lámh ar cheann an íobarthaigh le loscadh agus glacfar leis mar shás leorghnímh dó.

[5]Ansin maraíodh sé an tarbh i láthair an Tiarna agus déanfaidh clann Árón, na sagairt, an fhuil a ofráil. Déanfaidh siad í a dhoirteadh ar imill na haltóra atá ag doras Bhoth na Teagmhála.

[6]Déanadh sé an t-íobarthach a fheannadh ansin agus a ghearradh ina phíosaí.

[7]Cuireadh clann Árón, na sagairt, tine ar an altóir, agus cóirídís brosna ar an tine sin.

[8]Leagadh clann Árón, na sagairt, na píosaí, agus an ceann, agus an tsaill in ord ar an mbrosna ar an tine ar an altóir.

[9]Ach a ionathar, agus a chosa, níodh sé in uisce iad agus dódh an sagart an t-iomlán ar an altóir. Beidh an t-uileloisctheach seo

oferta queimada, de aroma agradável ao SENHOR.

10 Se a sua oferta for de gado miúdo, de carneiros ou de cabritos, para holocausto, trará macho sem defeito.

11 E o imolará ao lado do altar, para o lado norte, perante o SENHOR; e os filhos de Arão, os sacerdotes, aspergirão o seu sangue em redor sobre o altar.

12 Depois, ele o cortará em seus pedaços, como também a sua cabeça e o seu redenho; e o sacerdote os porá em ordem sobre a lenha que está no fogo sobre o altar;

13 porém as entranhas e as pernas serão lavadas com água; e o sacerdote oferecerá tudo isso e o queimará sobre o altar; é holocausto, oferta queimada, de aroma agradável ao SENHOR.

14 Se a sua oferta ao SENHOR for holocausto de aves, trará a sua oferta de rolas ou de pombinhos.

15 O sacerdote a trará ao altar, e, com a unha, lhe destroncará a cabeça, sem a separar do pescoço, e a queimará sobre o altar; o seu sangue, ele o fará correr na parede do altar;

16 tirará o papo com suas penas e o lançará junto ao altar, para o lado oriental, no lugar da cinza;

ina íobairt dhóite agus beidh a chumhracht taitneamhach leis an Tiarna.

10Más ainmhí ón tréad, ceann de na caoirigh nó de na gabhair, a bheidh le hofráil aige le huileloscadh, ofráladh sé fireannach gan mháchail.

11Maraíodh sé é ar an taobh thuaidh den altóir, i láthair an Tiarna agus déanfaidh clann Árón, na sagairt, an fhuil a dhoirteadh ar imill na haltóra.

12Gearradh sé ina phíosaí é, leis an gceann agus an tsaill, agus cóiríodh an sagart na píosaí, ar an mbrosna ar an tine ar an altóir.

13Ach a ionathar agus na cosa, níodh sé in uisce iad agus ofráladh agus dódh an sagart an t-iomlán ar an altóir. Beidh an t-uileloisctheach seo ina íobairt dhóite agus beidh a chumhracht taitneamhach leis an Tiarna.

14Más éanlaith a bheidh le huileloscadh aige mar íobairt don Tiarna, tugadh sé a ofráil de choilm nó de ghearrcaigh cholúir.

15Déanadh an sagart é a ofráil ag an altóir, agus a cheann a stoitheadh de agus é sin a dhó ar an altóir. Fáisceadh sé an fhuil as ar thaobh na haltóra.

16Ansin baineadh sé an eagaois as agus na cleití de, agus iad a chaitheamh láimh leis an altóir ar an taobh thoir mar a gcuirtear an luaithreach.

[17] rasgá-la-á pelas asas, porém não a partirá; o sacerdote a queimará sobre o altar, em cima da lenha que está no fogo; é holocausto, oferta queimada, de aroma agradável ao SENHOR.

[17]Stolladh sé ina dhá leath é, le sciathán ar gach taobh, ach ná scaradh sé an dá chuid ó chéile. Dódh an sagart ar an altóir ansin é ar an mbrosna ar an tine. Beidh an t-uileloisctheach seo ina íobairt dhóite, agus beidh a chumhracht taitneamhach leis an Tiarna.

Levítico 2

As ofertas de manjares

[1] Quando alguma pessoa fizer oferta de manjares ao SENHOR, a sua oferta será de flor de farinha; nela, deitará azeite e, sobre ela, porá incenso.

[2] Levá-la-á aos filhos de Arão, os sacerdotes, um dos quais tomará dela um punhado da flor de farinha e do seu azeite com todo o seu incenso e os queimará como porção memorial sobre o altar; é oferta queimada, de aroma agradável ao SENHOR.

[3] O que ficar da oferta de manjares será de Arão e de seus filhos; é coisa santíssima das ofertas queimadas ao SENHOR.

[4] Quando trouxeres oferta de manjares, cozida no forno, será de bolos asmos de flor de farinha amassados com azeite e obreias asmas untadas com azeite.

[5] Se a tua oferta for de manjares cozida na assadeira, será de flor de farinha sem fermento amassada com azeite.

[6] Em pedaços a partirás e, sobre ela, deitarás azeite; é oferta de manjares.

[7] Se a tua oferta for de manjares de frigideira, far-se-á de flor de farinha com azeite.

Léivític 2

An Abhlann

[1]Más abhlann a ofrálann duine don Tiarna, bíodh a ofráil de phlúr agus doirteadh sé ola air agus cuireadh sé túis chumhra air.

[2]Tugadh sé í chun clann Árón, na sagairt. Tógadh sé dorn den phlúr agus den ola, agus an túis chumhra go léir, agus dódh an sagart an méid sin ar an altóir mar chuimhneachán, ofráil loiscthe a mbeidh a cumhracht taitneamhach leis an Tiarna.

[3]Fuílleach na habhlainne, bíodh sé ag Árón agus a chlann mhac; is cuid shárnaofa é d'íobairtí dóite don Tiarna.

[4]Más abhlann de thaos bruite sa sorn a bhíonn le hofráil agat, bíodh inti builíní slimaráin de phlúr fuinte le hola, nó cácaí slimaráin agus ola leata orthu.

[5]Más abhlann bruite ar an ngrideall a ofrálann tú, bíodh sí de phlúr mín gan ghabháile, fuinte le hola.

[6]Bris ina píosaí í, agus doirt ola uirthi, óir is ofráil bhia í.

[7]Más abhlann bruite san oigheann do ofráil, bíodh sí de phlúr mín, bruite le hola.

[8] E a oferta de manjares, que daquilo se fará, trarás ao SENHOR; será apresentada ao sacerdote, o qual a levará ao altar.

[9] Da oferta de manjares tomará o sacerdote a porção memorial e a queimará sobre o altar; é oferta queimada, de aroma agradável ao SENHOR.

[10] O que ficar da oferta de manjares será de Arão e de seus filhos; é coisa santíssima das ofertas queimadas ao SENHOR.

[11] Nenhuma oferta de manjares, que fizerdes ao SENHOR, se fará com fermento; porque de nenhum fermento e de mel nenhum queimareis por oferta ao SENHOR.

[12] Deles, trareis ao SENHOR por oferta das primícias; todavia, não se porão sobre o altar como aroma agradável.

[13] Toda oferta dos teus manjares temperarás com sal; à tua oferta de manjares não deixarás faltar o sal da aliança do teu Deus; em todas as tuas ofertas aplicarás sal.

[14] Se trouxeres ao SENHOR oferta de manjares das primícias, farás a oferta de manjares das tuas primícias de espigas verdes, tostadas ao fogo, isto é, os grãos esmagados de espigas verdes.

[15] Deitarás azeite sobre ela e, por cima, lhe porás incenso; é oferta de manjares.

[16] Assim, o sacerdote queimará a porção memorial dos grãos de espigas esmagados

[8]Tabhair leat an abhlann a ullmhaíodh ar an gcuma sin chun an Tiarna agus cuir i láthair an tsagairt í agus tabharfaidh seisean chun na haltóra í.

[9]Tógadh an sagart an chuid chuimhnithe den abhlann agus dódh sé ar an altóir í mar ofráil loiscthe a mbeidh a cumhracht taitneamhach leis an Tiarna.

[10]Fuílleach na habhlainne, bíodh sé ag Árón agus ag a chlann mhac; is cuid shárnaofa é d'íobairtí dóite don Tiarna.

[11]Níl gabháile le dul i ndéantús aon abhlainne a ofrálfaidh sibh don Tiarna, óir ní ceadmhach daoibh choíche gabháile ná mil a dhó mar ofráil don Tiarna.

[12]Ní miste iad a thabhairt chun an Tiarna mar ofráil chéadtorthaí ach nílid le dul suas mar chumhracht thaitneamhach ar an altóir.

[13]Ní foláir salann a chur mar anlann le gach abhlann a ofrálfaidh tú; ná fág salann chonradh do Dhé in easnamh ar aon abhlann; ofráil salann le gach íobairt.

[14]Más céadtorthaí a bhíonn á n-ofráil agat mar abhlann don Tiarna, ofráil, mar abhlann ó do chéadtorthaí, grán nua meilte ó dhiasa úra, agus é tíortha ag an tine.

[15]Cuir ola leis agus túis chumhra air; is abhlann é.

[16]Mar chuid chuimhnithe, dódh an sagart cuid den ghrán meilte agus den ola agus

e do azeite, com todo o incenso; é oferta queimada ao SENHOR.

Levítico 3

Os sacrifícios pacíficos

[1] Se a oferta de alguém for sacrifício pacífico, se a fizer de gado, seja macho ou fêmea, oferecê-la-á sem defeito diante do SENHOR.

[2] E porá a mão sobre a cabeça da sua oferta e a imolará diante da porta da tenda da congregação; e os filhos de Arão, os sacerdotes, aspergirão o sangue sobre o altar, ao redor.

[3] Do sacrifício pacífico fará oferta queimada ao SENHOR: a gordura que cobre as entranhas e toda a gordura que está sobre as entranhas,

[4] como também os dois rins, a gordura que está sobre eles e junto aos lombos; e o redenho sobre o fígado com os rins, tirá-los-á.

[5] E os filhos de Arão queimarão tudo isso sobre o altar, em cima do holocausto, que estará sobre a lenha no fogo; é oferta queimada, de aroma agradável ao SENHOR.

[6] Se a sua oferta por sacrifício pacífico ao SENHOR for de gado miúdo, seja macho ou fêmea, sem defeito a oferecerá.

[7] Se trouxer um cordeiro por sua oferta, oferecê-lo-á perante o SENHOR.

[8] E porá a mão sobre a cabeça da sua oferta e a imolará diante da tenda da

an túis chumhra go léir; is íobairt dhóite don Tiarna í.

Léivític 3

An Íobairt Chomaoineach

[1]Más íobairt chomaoineach í íobairt duine, agus má ofrálann sé ainmhí ón táin, fireann nó baineann, bíodh cibé rud a ofrálann sé i láthair an Tiarna gan mháchail.

[2]Leagadh sé a lámh ar cheann an íobarthaigh agus maraíodh sé é ag doras Bhoth na Teagmhála, agus déanfaidh clann Árón, na sagairt, an fhuil a dhoirteadh ar imill na haltóra.

[3]Ní foláir dó cuid den íobairt chomaoineach a ofráil mar íobairt loiscthe don Tiarna: an tsaill timpeall an ionathair, an tsaill go léir ar an ionathar,

[4]an dá dhuán, an tsaill orthusan agus ar na háranna, agus an meall saille a bhainfidh sé ó na duáin.

[5]Ansin dódh clann mhac Árón an chuid sin mar aon leis an íobairt uileloiscthe ar an altóir ar bhrosna na tine. Is íobairt dhóite a bheidh inti agus beidh a cumhracht taitneamhach leis an Tiarna.

[6]Más beithíoch ón tréad a ofrálann sé mar íobairt chomaoineach don Tiarna, ofráladh sé fireannach nó baineannach gan mháchail.

[7]Más uan a ofrálann sé, ofráladh sé é i láthair an Tiarna.

[8]Leagadh sé a lámh ar cheann an íobarthaigh agus maraíodh sé é os

congregação; e os filhos de Arão aspergirão o sangue sobre o altar, em redor.

9 Então, do sacrifício pacífico trará ao SENHOR por oferta queimada a sua gordura: a cauda toda, a qual tirará rente ao espinhaço, e a gordura que cobre as entranhas, e toda a gordura que está sobre as entranhas,

10 como também os dois rins, a gordura que está sobre eles e junto aos lombos; e o redenho sobre o fígado com os rins, tirá-los-á.

11 E o sacerdote queimará tudo isso sobre o altar; é manjar da oferta queimada ao SENHOR.

12 Mas, se a sua oferta for uma cabra, perante o SENHOR a trará.

13 E porá a mão sobre a sua cabeça e a imolará diante da tenda da congregação; e os filhos de Arão aspergirão o sangue sobre o altar, em redor.

14 Depois, trará dela a sua oferta, por oferta queimada ao SENHOR: a gordura que cobre as entranhas e toda a gordura que está sobre as entranhas,

15 como também os dois rins, a gordura que está sobre eles e junto aos lombos; e o redenho sobre o fígado com os rins, tirá-los-á.

16 E o sacerdote queimará tudo isso sobre o altar; é manjar da oferta queimada, de aroma agradável. Toda a gordura será do SENHOR.

comhair Bhoth na Teagmhála; ansin doirteadh clann mhac Árón an fhuil ar imill na haltóra.

9Ansin ofráladh sé mar ofráil dhóite don Tiarna ón íobairt chomaoineach: an tsaill, an t-eireaball méith go léir á ghearradh ón bhfréamh ag cnámh an droma, an tsaill timpeall an ionathair, an tsaill go léir ar an ionathar,

10an dá dhuán agus an tsaill orthusan agus ar na háranna, agus an meall saille a bhainfidh sé ó na duáin.

11Dódh an sagart an chuid seo ar an altóir mar bhia, mar ofráil dhóite don Tiarna.

12Más gabhar a ofrálann sé, ofráladh sé é i láthair an Tiarna,

13agus leagadh sé lámh ar a cheann agus maraíodh sé é os comhair Bhoth na Teagmhála; ansin doirteadh clann mhac Árón a fhuil ar imill na haltóra.

14Ansin ofráladh sé mar ofráil dhóite don Tiarna an méid seo de: an tsaill timpeall an ionathair, an tsaill go léir ar an ionathar,

15an dá dhuán agus an tsaill orthusan agus ar na háranna, agus an meall saille a bhainfidh sé óna duáin.

16Dódh an sagart an chuid seo ar an altóir mar bhia, ina ofráil dhóite mar chumhracht thaitneamhach. Leis an Tiarna an tsaill go léir.

[17] Estatuto perpétuo será durante as vossas gerações, em todas as vossas moradas; gordura nenhuma nem sangue jamais comereis.

Levítico 4

O sacrifício pelos pecados por ignorância dos sacerdotes

[1] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[2] Fala aos filhos de Israel, dizendo: Quando alguém pecar por ignorância contra qualquer dos mandamentos do SENHOR, por fazer contra algum deles o que não se deve fazer,

[3] se o sacerdote ungido pecar para escândalo do povo, oferecerá pelo seu pecado um novilho sem defeito ao SENHOR, como oferta pelo pecado.

[4] Trará o novilho à porta da tenda da congregação, perante o SENHOR; porá a mão sobre a cabeça do novilho e o imolará perante o SENHOR.

[5] Então, o sacerdote ungido tomará do sangue do novilho e o trará à tenda da congregação;

[6] e, molhando o dedo no sangue, aspergirá dele sete vezes perante o SENHOR, diante do véu do santuário.

[7] Também daquele sangue porá o sacerdote sobre os chifres do altar do incenso aromático, perante o SENHOR, altar que está na tenda da congregação; e todo o restante do sangue do novilho

[17]Seo reacht síoraí do bhur sliocht go léir cibé áit ina mbeidh cónaí orthu: gan saill ná fuil a chaitheamh."

Léivític 4

An Íobairt Pheaca

[1]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[2]"Labhair le clann Iosrael agus abair: Má pheacaíonn aon duine le barr neamhaire in aghaidh aon cheann d'aitheanta an Tiarna agus ceann de na nithe a choisc sé a dhéanamh, sa chás sin:

[3]Más é an sagart ungtha a pheacaíonn agus a thugann ciontacht dá réir sin ar an bpobal, ansin déanadh sé a ofráil don Tiarna ar son an pheaca a rinne sé, tarbh óg gan mháchail den táin.

[4]Tugadh sé an tarbh i láthair an Tiarna ag doras Bhoth na Teagmhála; leagadh sé a lámh ar cheann an tairbh agus maraíodh sé an tarbh i láthair an Tiarna.

[5]Tógadh an sagart ungtha cuid d'fhuil an tairbh agus tugadh sé leis isteach i mBoth na Teagmhála í.

[6]Tumadh an sagart ungtha a mhéar san fhuil agus croitheadh sé cuid den fhuil seacht n-uaire os comhair fhial an tsanctóra i láthair an Tiarna.

[7]Ansin cuireadh an sagart beagán den fhuil ar bheanna altóir na túise cumhra i láthair an Tiarna i mBoth na Teagmhála; agus doirteadh sé an chuid eile de fhuil an tairbh ag bun altóir an uileloiscthe ag doras Bhoth na Teagmhála.

derramará à base do altar do holocausto, que está à porta da tenda da congregação.

[8] Toda a gordura do novilho da expiação tirará dele: a gordura que cobre as entranhas e toda a gordura que está sobre as entranhas,

[9] como também os dois rins, a gordura que está sobre eles e junto aos lombos; e o redenho sobre o fígado com os rins, tirá-los-á

[10] como se tiram os do novilho do sacrifício pacífico; e o sacerdote os queimará sobre o altar do holocausto.

[11] Mas o couro do novilho, toda a sua carne, a cabeça, as pernas, as entranhas e o excremento,

[12] a saber, o novilho todo, levá-lo-á fora do arraial, a um lugar limpo, onde se lança a cinza, e o queimará sobre a lenha; será queimado onde se lança a cinza.

Os sacrifícios pelos pecados por ignorância de toda a congregação

Números 15.22-26

[13] Mas, se toda a congregação de Israel pecar por ignorância, e isso for oculto aos olhos da coletividade, e se fizerem, contra algum dos mandamentos do SENHOR, aquilo que se não deve fazer, e forem culpados,

[14] e o pecado que cometeram for notório, então, a coletividade trará um novilho como oferta pelo pecado e o apresentará diante da tenda da congregação.

[15] Os anciãos da congregação porão as mãos sobre a cabeça do novilho perante o

[8]Seo leanas a dtógfaidh sé de shaill tharbh íobairt an pheaca: an tsaill timpeall an ionathair agus an tsaill ar an ionathar,

[9]an dá dhuán agus an tsaill orthusan, agus ar na háranna, agus an meall saille a bhainfidh sé ó na duáin -

[10]mar a bhaintear ón ainmhí a íobraítear san íobairt chomaoineach - agus ní foláir don sagart an méid sin a dhó ar altóir an uileloiscthe.

[11]Ach seithe an tairbh agus a fheoil go léir agus a cheann agus a chosa agus a ionathar agus a otrach -

[12]an tarbh go léir, ní foláir é a bhreith ón gcampa amach go háit ghlan, mar a gcaitear amach an luaithreach, agus é a dhó ann ar thine bhrosna.

[13]Má dhéanann comhthionól Iosrael go léir peaca le barr neamhaire, agus rud éigin, atá coiscthe ag aitheanta an Tiarna, a dhéanamh gan fhios don chuallacht, agus go mbíonn siad ciontach,

[14]ofráladh an comhthionól tarbh óg gan mháchail ón táin mar íobairt pheaca nuair a thagann an peaca a rinneadar chun solais. Tugtar an tarbh os comhair Bhoth na Teagmhála,

[15]agus leagadh seanóirí an chomhthionóil a lámha ar cheann an tairbh i láthair an

SENHOR; e será imolado o novilho perante o SENHOR.

[16] Então, o sacerdote ungido trará do sangue do novilho à tenda da congregação;

[17] molhará o dedo no sangue e o aspergirá sete vezes perante o SENHOR, diante do véu.

[18] E daquele sangue porá sobre os chifres do altar que está perante o SENHOR, na tenda da congregação; e todo o restante do sangue derramará à base do altar do holocausto, que está à porta da tenda da congregação.

[19] Tirará do novilho toda a gordura e a queimará sobre o altar;

[20] e fará a este novilho como fez ao novilho da oferta pelo pecado; assim lhe fará, e o sacerdote por eles fará expiação, e eles serão perdoados.

[21] Depois, levará o novilho fora do arraial e o queimará como queimou o primeiro novilho; é oferta pelo pecado da coletividade.

Os sacrifícios pelos pecados por ignorância de um príncipe

[22] Quando um príncipe pecar, e por ignorância fizer alguma de todas as coisas que o SENHOR, seu Deus, ordenou se não fizessem, e se tornar culpado;

[23] ou se o pecado em que ele caiu lhe for notificado, trará por sua oferta um bode sem defeito.

Tiarna, agus maraítear an tarbh i láthair an Tiarna.

[16]Ansin tugadh an sagart ungtha cuid de fhuil an tairbh go Both na Teagmhála.

[17]Ansin tumadh an sagart a mhéar san fhuil agus croitheadh sé í seacht n-uaire os comhair an fhéil i láthair an Tiarna.

[18]Cuireadh sé beagán den fhuil ar bheanna na haltóra atá os comhair an Tiarna i mBoth na Teagmhála, agus doirteadh sé an chuid eile den fhuil ag bun altóir an uileloiscthe ag doras Bhoth na Teagmhála.

[19]Ansin baineadh sé an tsaill go léir as an ainmhí agus dódh sé í ar an altóir.

[20]Déanadh sé leis an tarbh seo mar a rinne le tarbh an íobairt pheaca; déantar mar ar an gcéanna leis. Comhlíonadh an sagart gnás an leorghnímh ar son an phobail agus maithfear dóibh.

[21]Ní foláir dó an tarbh a bhreith amach as an gcampa agus a dhó mar a rinne leis an gcéad cheann. Íobairt pheaca ar son an chomhthionóil í seo.

[22]Má pheacaíonn uachtarán le barr neamhaire agus rud éigin de na nithe go léir atá coiscthe ag aitheanta an Tiarna a Dhia a dhéanamh agus é féin a fhágáil ciontach,

[23]nó má chuireann duine éigin ar a shúile dó an peaca a rinne sé mar sin, tugadh sé leis, mar íobairt, gabhar, ceann fireann gan mháchail.

[24] E porá a mão sobre a cabeça do bode e o imolará no lugar onde se imola o holocausto, perante o SENHOR; é oferta pelo pecado.

[25] Então, o sacerdote, com o dedo, tomará do sangue da oferta pelo pecado e o porá sobre os chifres do altar do holocausto; e todo o restante do sangue derramará à base do altar do holocausto.

[26] Toda a gordura da oferta, queimá-la-á sobre o altar, como a gordura do sacrifício pacífico; assim, o sacerdote fará expiação por ele, no tocante ao seu pecado, e este lhe será perdoado.

Os sacrifícios pelos pecados por ignorância de qualquer pessoa

[27] Se qualquer pessoa do povo da terra pecar por ignorância, por fazer alguma das coisas que o SENHOR ordenou se não fizessem, e se tornar culpada;

[28] ou se o pecado em que ela caiu lhe for notificado, trará por sua oferta uma cabra sem defeito, pelo pecado que cometeu.

[29] E porá a mão sobre a cabeça da oferta pelo pecado e a imolará no lugar do holocausto.

[30] Então, o sacerdote, com o dedo, tomará do sangue da oferta e o porá sobre os chifres do altar do holocausto; e todo o restante do sangue derramará à base do altar.

[31] Tirará toda a gordura, como se tira a gordura do sacrifício pacífico; o sacerdote

[24]Leagadh sé a lámh ar cheann an ghabhair agus maraíodh sé é mar a mharaítear an t-íobarthach le huileloscadh i láthair an Tiarna. Íobairt pheaca í seo.

[25]Ansin tógadh an sagart beagán d'fhuil an íobairt pheaca lena mhéar agus cuireadh sé ar bheanna altóir an uileloiscthe í; doirteadh sé an chuid eile den fhuil ag bun altóir an uileloiscthe.

[26]Agus dódh sé a shaill go léir ar an altóir dála saille an íobairt chomaoineach. Sin mar atá an sagart le gnás an leorghnímh a chomhlíonadh ar a shon seo á shaoradh ón bpeaca, agus maithfear dó.

[27]Má pheacaíonn duine den ghnáthphobal le barr neamhaire agus go bhfágann sé é féin ciontach mar go ndéanann sé rud éigin atá coiscthe ag aitheanta an Tiarna,

[28]nó má chuireann duine éigin ar a shúile dó an peaca a rinne sé, tugadh sé leis, mar íobairt ar son an pheaca a rinne, gabhar, minseach gan mháchail.

[29]Leagadh sé a lámh ar cheann an íobarthaigh pheaca agus maraíodh sé an t-íobarthach peaca mar a maraítear na huileloiscthigh.

[30]Tógadh an sagart beagán dá fhuil ar a mhéar agus cuireadh sé í ar bheanna altóir an uileloiscthe, agus doirteadh sé an chuid eile den fhuil ag bun na haltóra.

[31]Baineadh sé an tsaill go léir de mar a bhaintear i gcás íobairt chomaoineach

a queimará sobre o altar como aroma agradável ao SENHOR; e o sacerdote fará expiação pela pessoa, e lhe será perdoado.

agus dódh an sagart í ar an altóir, agus beidh a cumhracht taitneamhach leis an Tiarna; agus déanfaidh an sagart gnás an leorghnímh a chomhlíonadh ar a shon agus maithfear dó.

32 Mas, se pela sua oferta trouxer uma cordeira como oferta pelo pecado, fêmea sem defeito a trará.

32Más uan a thugann sé leis mar íobairt pheaca, tugadh sé leis ceann baineann gan mháchail.

33 E porá a mão sobre a cabeça da oferta pelo pecado e a imolará por oferta pelo pecado, no lugar onde se imola o holocausto.

33Leagadh sé a lámh ar cheann an íobarthaigh pheaca, agus maraíodh sé é mar íobairt pheaca mar a maraítear na huileloiscthigh.

34 Então, o sacerdote, com o dedo, tomará do sangue da oferta pelo pecado e o porá sobre os chifres do altar do holocausto; e todo o restante do sangue derramará à base do altar.

34Tógadh an sagart beagán d'fhuil an íobairt pheaca ar a mhéar agus cuireadh sé í ar bheanna altóir an uileloiscthe, agus doirteadh sé an chuid eile dá fuil ag bun na haltóra.

35 Tirará toda a gordura, como se tira a gordura do cordeiro do sacrifício pacífico; o sacerdote a queimará sobre o altar, em cima das ofertas queimadas do SENHOR; assim, o sacerdote, por essa pessoa, fará expiação do seu pecado que cometeu, e lhe será perdoado.

35Baineadh sé an tsaill go léir aisti mar a dhéantar leis an gcaora san íobairt chomaoineach; dódh an sagart í go léir ar an altóir ar na hofrálacha uileloiscthe don Tiarna. Sin mar a chomhlíonfaidh an sagart gnás an leorghnímh ar son an duine agus maithfear dó.

Levítico 5

O sacrifício pelos pecados ocultos

1 Quando alguém pecar nisto: tendo ouvido a voz da imprecação, sendo testemunha de um fato, por ter visto ou sabido e, contudo, não o revelar, levará a sua iniqüidade;

Léivític 5

1Sa chás go bpeacaíonn duine [i gceann de na cúinsí seo leanas]: Má chluineann duine an mionnú sollúnta chun fianaise a thabhairt agus go mba chóir dó teacht i láthair le fianú, mar go raibh fianaise súl aige ar an ngnó, nó eolas eile air, ach nár labhair sé amach agus go bhfuil iarsmaí a dhrochbhirt á n-iompar aige;

[2] ou quando alguém tocar em alguma coisa imunda, seja corpo morto de besta-fera imunda, seja corpo morto de animal imundo, seja corpo morto de réptil imundo, ainda que lhe fosse oculto, e tornar-se imundo, então, será culpado;

[2]nó má bhaineann duine le rud neamhghlan - cibé rud a bhíonn ann, conablach ainmhí neamhghlain, más múinte más allta é, nó conablach cinn de na neamhghlana a shníonn - agus go n-éiríonn sé neamhghlan gan fhios dó, agus go mbíonn sé ciontach;

[3] ou quando tocar a imundícia de um homem, seja qual for a imundícia com que se faça imundo, e lhe for oculto, e o souber depois, será culpado;

[3]nó má bhaineann sé le neamhghlaine dhaonna, cibé sórt neamhghlaine í trína n-éiríonn duine neamhghlan, agus nach eol dó é, ach ina dhiaidh sin go bhfaigheann sé amach ina thaobh agus gur ciontach é;

[4] ou quando alguém jurar temerariamente com seus lábios fazer mal ou fazer bem, seja o que for que o homem pronuncie temerariamente com juramento, e lhe for oculto, e o souber depois, culpado será numa destas coisas.

[4]nó má thugann duine mionn gan chríonnacht go ndéanfadh sé olc nó maith, mionn den saghas a thugann daoine go místuama, ach gur gan fhios dó é, ach ina dhiaidh sin go dtuigeann sé an scéal, agus gur ciontach é -

[5] Será, pois, que, sendo culpado numa destas coisas, confessará aquilo em que pecou.

[5]má bhíonn duine ciontach in aon cheann de na cúinsí sin, admhaíodh sé an peaca a rinne sé,

[6] Como sua oferta pela culpa, pelo pecado que cometeu, trará ele ao SENHOR, do gado miúdo, uma cordeira ou uma cabrita como oferta pelo pecado; assim, o sacerdote, por ele, fará expiação do seu pecado.

[6]agus tugadh sé chun an Tiarna, mar íobairt leorghnímh ar son an pheaca a rinne sé, baineannach den tread - caora nó gabhar - mar íobairt pheaca; agus comhlíonadh an sagart gnás an leorghnímh á shaoradh óna pheaca.

[7] Se as suas posses não lhe permitirem trazer uma cordeira, trará ao SENHOR, como oferta pela culpa, pelo pecado que cometeu, duas rolas ou dois pombinhos: um como oferta pelo pecado, e o outro como holocausto.

[7]Mura bhfuil sé d'acmhainn aige ainmhí ón tréad a thabhairt, ansin tugadh sé chun an Tiarna, mar íobairt leorghnímh ar son an pheaca a rinne sé, péire colm nó dhá ghearrcach colúir, ceann mar íobairt pheaca agus an ceann eile mar íobairt uileloiscthe.

[8] Entregá-los-á ao sacerdote, o qual primeiro oferecerá aquele que é como oferta pelo pecado e lhe destroncará, com a unha, a cabeça, sem a separar do pescoço.

[9] Do sangue da oferta pelo pecado aspergirá sobre a parede do altar e o restante do sangue, fá-lo-á correr à base do altar; é oferta pelo pecado.

[10] E do outro fará holocausto, conforme o estabelecido; assim, o sacerdote, por ele, fará oferta pelo pecado que cometeu, e lhe será perdoado.

[11] Porém, se as suas posses não lhe permitirem trazer duas rolas ou dois pombinhos, então, aquele que pecou trará, por sua oferta, a décima parte de um efa de flor de farinha como oferta pelo pecado; não lhe deitará azeite, nem lhe porá em cima incenso, pois é oferta pelo pecado.

[12] Entregá-la-á ao sacerdote, e o sacerdote dela tomará um punhado como porção memorial e a queimará sobre o altar, em cima das ofertas queimadas ao SENHOR; é oferta pelo pecado.

[13] Assim, o sacerdote, por ele, fará oferta pelo pecado que cometeu em alguma destas coisas, e lhe será perdoado; o restante será do sacerdote, como a oferta de manjares.

O sacrifício pelo sacrilégio

[14] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[8]Tugadh sé chun an tsagairt iad agus ofráladh seisean ar dtús an ceann don íobairt pheaca. Casadh seisean an ceann ar a mhuineál ach gan a cheann a bhaint de.

[9]Croitheadh sé cuid de fhuil an íobairt pheaca ar chliathán na haltóra, agus déanadh sé fuílleach na fola a fháscadh as ag bun na haltóra. Íobairt pheaca í seo.

[10]Tá an t-éan eile le huileloscadh mar íobairt aige ansin de réir an ghnáis. Sin é mar atá gnás an leorgnímh le comhlíonadh ag an sagart don duine ar son an pheaca a rinne sé agus maithfear dó.

[11]Mura bhfuil sé d'acmhainn aige péire colm nó dhá ghearrcach colúir a thabhairt, ansin tugadh sé deachú éafá de phlúr mar íobairt ar son an pheaca a rinne sé; ná cuireadh sé ola ann, ná túis chumhra air, mar is íobairt pheaca é.

[12]Tabharfaidh sé chun an tsagairt é, agus tógfaidh an sagart dorn de mar chuid chuimhnithe, agus an méid sin a dhó ar an altóir mar aon leis an íobairt dhóite don Tiarna. Íobairt pheaca í seo.

[13]Comhlíonadh an sagart ar an gcuma sin gnás an leorghnímh don duine ar son an pheaca a rinne sé in aon cheann de na cúinsí sin agus maithfear dó. An fuílleach a fhágtar bíodh sé ag an sagart dála na habhlainne."

[14]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[15] Quando alguém cometer ofensa e pecar por ignorância nas coisas sagradas do SENHOR, então, trará ao SENHOR, por oferta, do rebanho, um carneiro sem defeito, conforme a tua avaliação em siclos de prata, segundo o siclo do santuário, como oferta pela culpa.

[16] Assim, restituirá o que ele tirou das coisas sagradas, e ainda acrescentará o seu quinto, e o dará ao sacerdote; assim, o sacerdote, com o carneiro da oferta pela culpa, fará expiação por ele, e lhe será perdoado.

O sacrifício pelos pecados de ignorância

[17] E, se alguma pessoa pecar e fizer contra algum de todos os mandamentos do SENHOR aquilo que se não deve fazer, ainda que o não soubesse, contudo, será culpada e levará a sua iniqüidade.

[18] E do rebanho trará ao sacerdote um carneiro sem defeito, conforme a tua avaliação, para oferta pela culpa, e o sacerdote, por ela, fará expiação no tocante ao erro que, por ignorância, cometeu, e lhe será perdoado.

[19] Oferta pela culpa é; certamente, se tornou culpada ao SENHOR.

Levítico 6

O sacrifício pelos pecados voluntários

[1] Falou mais o SENHOR a Moisés, dizendo:

[2] Quando alguma pessoa pecar, e cometer ofensa contra o SENHOR, e negar ao seu próximo o que este lhe deu em depósito,

[15]“Má dhéanann duine calaois, agus go bpeacaíonn sé le barr neamhaire maidir le cearta naofa an Tiarna, ansin tugadh sé mar íobairt chúitimh don Tiarna reithe gan mháchail ón tréad; déantar luach an reithe a mheas i seicilí airgid de réir thomhas sheicil an tsanctóra. Íobairt chúitimh í seo.

[16]Ní foláir dó an slad a rinne a pheaca ar na cearta naofa a aisíoc, an cúigiú cuid dá luach a chur de bhreis leis, agus é a thabhairt don sagart. Comhlíonadh an sagart gnás an leorghnímh dó le reithe an íobairt chúitimh agus maithfear dó.”

[17]“Má pheacaíonn duine agus, le barr neamhaire, rud éigin atá coiscthe ag aitheanta an Tiarna a dhéanamh, tá sé ciontach agus caithfidh sé iarsmaí a lochta a iompar.

[18]Tugadh sé chun an tsagairt, mar íobairt chúitimh, reithe gan mháchail ón tréad a bhfuil a luach le meas agatsa. Comhlíonadh an sagart gnás an leorghnímh dó ar son an dearmaid a rinne sé gan fhios dó féin agus maithfear dó.

[19]Íobairt chúitimh í seo; bhí an duine ciontach i láthair an Tiarna.”

Léivític 6

[1]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[2]“Má pheacaíonn duine agus go ndéanann sé feall ar an Tiarna trí chalaois a dhéanamh ar a chomharsa faoi gheall nó

ou penhor, ou roubar, ou tiver usado de extorsão para com o seu próximo;

[3] ou que, tendo achado o perdido, o negar com falso juramento, ou fizer alguma outra coisa de todas em que o homem costuma pecar,

[4] será, pois, que, tendo pecado e ficado culpada, restituirá aquilo que roubou, ou que extorquiu, ou o depósito que lhe foi dado, ou o perdido que achou,

[5] ou tudo aquilo sobre que jurou falsamente; e o restituirá por inteiro e ainda a isso acrescentará a quinta parte; àquele a quem pertence, lho dará no dia da sua oferta pela culpa.

[6] E, por sua oferta pela culpa, trará, do rebanho, ao SENHOR um carneiro sem defeito, conforme a tua avaliação, para a oferta pela culpa; trá-lo-á ao sacerdote.

[7] E o sacerdote fará expiação por ela diante do SENHOR, e será perdoada de qualquer de todas as coisas que fez, tornando-se, por isso, culpada.

A lei do holocausto

[8] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[9] Dá ordem a Arão e a seus filhos, dizendo: Esta é a lei do holocausto: o holocausto ficará na lareira do altar toda a noite até pela manhã, e nela se manterá aceso o fogo do altar.

[10] O sacerdote vestirá a sua túnica de linho e os calções de linho sobre a pele nua, e levantará a cinza, quando o fogo houver

faoi bhannaí, nó trina chuid a choimeád uaidh nó trí leatrom a imirt air;

[3]nó má aimsíonn sé maoin a cailleadh agus go séanann sé é sin; nó má thugann sé mionn éithigh i dtaobh aon pheaca a dhéanfadh duine;

[4]má pheacaíonn sé agus go mbíonn sé ciontach dá réir sin, ní foláir dó gach ar thóg sé nó ar éiligh sé sa bhreis a chúiteamh: an geall a fágadh aige an mhaoin chaillte a fuair sé,

[5]nó aon ní a dtug sé mionn éithigh ina thaobh; ní foláir dó an mhaoin bhunaidh go léir a chúiteamh, agus an cúigiú cuid dá luach a chur de bhreis léi, agus an t-iomlán sin a aisíoc don té ar leis é ar lá a íobairt chúitimh.

[6]Tugadh sé chun an tsagairt mar íobairt don Tiarna, reithe gan mháchail ón tréad, arna mheas agat de réir tháille an íobairt chúitimh.

[7]Comhlíonadh an sagart gnás an leorghnímh dó i láthair an Tiarna agus maithfear dó cibé beart ina raibh sé ciontach."

Sagartacht agus Íobairt

[8]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[9]"Tabhair na horduithe seo leanas d'Árón agus dá chlann mhac: Seo é an gnás don íobairt uileloiscthe (an íobairt uileloiscthe, sé sin, a fhanann ar theallach na haltóra feadh na hoíche go maidin agus a dhóitear le tine na haltóra).

[10]Cuireadh an sagart a ionar lín uime agus clúdaíodh sé a chorp le línéadach. Ní foláir dó ansin luaithreach na híobartha a

consumido o holocausto sobre o altar, e a porá junto a este.

loisc an tine ar an altóir a thógáil as an tslí agus a chur le hais na haltóra.

[11] Depois, despirá as suas vestes e porá outras; e levará a cinza para fora do arraial a um lugar limpo.

[11]Baineadh sé de a éidí ansin agus cuireadh éidí eile uime, agus beireadh sé an luaithreach leis on gcampa amach go háit ghlan.

[12] O fogo, pois, sempre arderá sobre o altar; não se apagará; mas o sacerdote acenderá lenha nele cada manhã, e sobre ele porá em ordem o holocausto, e sobre ele queimará a gordura das ofertas pacíficas.

[12]An tine a dhónn an íobairt uileloiscthe ar an altóir, ná ligtear in éag í. Cuireadh an sagart brosna uirthi gach maidin. Cóiríodh sé an íobairt uileloiscthe uirthi, agus dódh sé inti saill na n-íobairtí comaoineach.

[13] O fogo arderá continuamente sobre o altar; não se apagará.

[13]Bíodh tine dhearg i gcónaí ar an altóir; ná ligtear in éag í.

A lei da oferta de manjares

[14] Esta é a lei da oferta de manjares: os filhos de Arão a oferecerão perante o SENHOR, diante do altar.

[14]Seo é gnás na habhlainne: Tugadh duine de chlann mhac Árón í isteach os comhair na haltóra i láthair an Tiarna.

[15] Um deles tomará dela um punhado de flor de farinha da oferta de manjares com seu azeite e todo o incenso que está sobre a oferta de manjares; então, o queimará sobre o altar, como porção memorial de aroma agradável ao SENHOR.

[15]Tógadh sé dorn de phlúr mín na habhlainne - leis an ola agus an túis a cuireadh léi - agus dódh sé an chuid chuimhnithe seo ar an altóir mar bholadh cumhra taitneamhach leis an Tiarna.

[16] O restante dela comerão Arão e seus filhos; asmo se comerá no lugar santo; no pátio da tenda da congregação, o comerão.

[16]Itheadh Árón agus a chlann mhac an chuid eile di; ach ithidís í mar bhuilíní slimaráin in áit naofa i gcúirt Bhoth na Teagmhála.

[17] Levedado não se cozerá; sua porção dei-lhes das minhas ofertas queimadas; coisa santíssima é, como a oferta pelo pecado e a oferta pela culpa.

[17]An chuid a thugaim dóibh de mo íobairt loiscthe, ná bruitear í agus gabháile inti; is cuid shárnaofa í, dála an íobairt pheaca agus an íobairt chúiitimh.

[18] Todo varão entre os filhos de Arão comerá da oferta de manjares; estatuto perpétuo será para as vossas gerações

[18]Is ceadmhach do gach fireannach de chlann Árón an chuid seo de íobairt loiscthe an Tiarna a ithe. Dlí síoraí é seo

dentre as ofertas queimadas do SENHOR; tudo o que tocar nelas será santo.

do bhur sliocht go léir: gach duine a bhainfidh leo, beidh siad coisricthe."

A oferta na consagração dos sacerdotes

[19] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[19]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[20] Esta é a oferta de Arão e de seus filhos, que oferecerão ao SENHOR no dia em que aquele for ungido: a décima parte de um efa de flor de farinha pela oferta de manjares contínua; metade dela será oferecida pela manhã, e a outra metade, à tarde.

[20]"Sí seo an íobairt nach foláir d'Árón agus dá chlann mhac a ofráil don Tiarna lá a n-ungtha: Deachú éafá de phlúr mín mar abhlann shíoraí, a leath ar maidin agus an leath eile tráthnóna.

[21] Numa assadeira, se fará com azeite; bem amassada a trarás; em pedaços cozidos trarás a oferta de manjares de aroma agradável ao SENHOR.

[21]Ní mór é bhruith ar ghrideall agus ola a fhuineadh leis. Tabhair leat isteach ina phíosaí é agus é bruite mar abhlann agus ofráil é ina bholadh cumhra taitneamhach leis an Tiarna.

[22] Também o sacerdote, que dentre os filhos de Arão for ungido em seu lugar, fará o mesmo; por estatuto perpétuo será de todo queimada ao SENHOR.

[22]An sagart ar chlann Árón atá le hungadh ina áit, déanadh sé mar an gcéanna. Dlí síoraí é seo. Ní foláir an t-iomlán a loscadh don Tiarna.

[23] Assim, toda a oferta de manjares do sacerdote será totalmente queimada; não se comerá.

[23]Gach abhlann a ofrálann sagart, dóitear í go léir; níl aon chuid di le hithe."

A lei da oferta pelo pecado

[24] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[24]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[25] Fala a Arão e a seus filhos, dizendo: Esta é a lei da oferta pelo pecado: no lugar onde se imola o holocausto, se imolará a oferta pelo pecado, perante o SENHOR; coisa santíssima é.

[25]"Labhair le hÁrón agus lena chlann mhac agus abair: Seo é gnás an íobairt pheaca: Maraítear íobarthach an pheaca i láthair an Tiarna san áit ina maraítear íobarthach an uileloiscthe; tá sé sárnaofa.

[26] O sacerdote que a oferecer pelo pecado a comerá; no lugar santo, se comerá, no pátio da tenda da congregação.

[26]An sagart a ofrálann an íobairt seo ar son peaca, itheadh sé í. Itear í in áit naofa i gcúirt Bhoth na Teagmhála.

[27] Tudo o que tocar a carne da oferta será santo; se aspergir alguém do seu sangue

[27]Aon ní a bhainfidh le feoil an íobarthaigh seo, beidh sé naofa; má

sobre a sua veste, lavarás aquilo sobre que caiu, no lugar santo.
28 E o vaso de barro em que for cozida será quebrado; porém, se for cozida num vaso de bronze, esfregar-se-á e lavar-se-á na água.
29 Todo varão entre os sacerdotes a comerá; coisa santíssima é.

30 Porém não se comerá nenhuma oferta pelo pecado, cujo sangue se traz à tenda da congregação, para fazer expiação no santuário; no fogo será queimada.

stealltar aon bhraon dá fhuil ar éadach, ní foláir an smál a ní in áit naofa éigin.
28An soitheach cré ina mbruitear an fheoil, ní foláir é a smiotadh; ach más i soitheach cré-umha a dhéantar í a bhruith, tá sin le sciúradh agus le ní le huisce.
29Gach fireannach sagairt, is ceadmhach dó í a ithe; tá sí sárnaofa.
30Na híobairtí peaca a dtugadh cuid dá bhfuil isteach i mBoth na Teagmhála chun leorghníomh a dhéanamh istigh sa sanctóir, ní ceadmhach d'aon duine aon chuid díobh a ithe. Ní foláir iad go léir a loscadh ar an tine.

Levítico 7

A lei da oferta pela culpa

1 Esta é a lei da oferta pela culpa; coisa santíssima é.
2 No lugar onde imolam o holocausto, imolarão a oferta pela culpa, e o seu sangue se aspergirá sobre o altar, em redor.
3 Dela se oferecerá toda a gordura, a cauda e a gordura que cobre as entranhas;
4 também ambos os rins e a gordura que neles há, junto aos lombos; e o redenho sobre o fígado com os rins se tirará.
5 O sacerdote o queimará sobre o altar em oferta queimada ao SENHOR; é oferta pela culpa.
6 Todo varão entre os sacerdotes a comerá; no lugar santo, se comerá; coisa santíssima é.

Léivític 7

1Seo é gnás an íobairt chúitimh: Tá sí seo sárnaofa.
2Maraítear íobarthach an chúitimh san áit ina maraítear na huileloiscthigh, agus croitear a chuid fola ar imill na haltóra.
3Ofráladh an sagart a shaill go léir: an t-eireaball méith, an tsaill timpeall an ionathair,
4an dá dhuán agus an tsaill orthusan agus ar na háranna, agus an meall saille a bhainfidh sé ó na duáin;
5dódh an sagart na píosaí sin ar an altóir mar íobairt uileloiscthe don Tiarna. Íobairt chúitimh í seo.
6Is ceadmhach do gach fireannach sagairt í a ithe. Ní foláir í a ithe in áit naofa; tá sí sárnaofa.

[7] Como a oferta pelo pecado, assim será a oferta pela culpa; uma única lei haverá para elas: será do sacerdote que, com ela, fizer expiação.

[8] O sacerdote que oferecer o holocausto de alguém terá o couro do holocausto que oferece,

[9] como também toda oferta de manjares que se cozer no forno, com tudo que se preparar na frigideira e na assadeira, será do sacerdote que a oferece.

[10] Toda oferta de manjares amassada com azeite ou seca será de todos os filhos de Arão, tanto de um como do outro.

A lei das ofertas pacíficas

[11] Esta é a lei das ofertas pacíficas que alguém pode oferecer ao SENHOR.

[12] Se fizer por ação de graças, com a oferta de ação de graças trará bolos asmos amassados com azeite, obreias asmas untadas com azeite e bolos de flor de farinha bem amassados com azeite.

[13] Com os bolos trará, por sua oferta, pão levedado, com o sacrifício de sua oferta pacífica por ação de graças.

[14] E, de toda oferta, trará um bolo por oferta ao SENHOR, que será do sacerdote que aspergir o sangue da oferta pacífica.

[15] Mas a carne do sacrifício de ação de graças da sua oferta pacífica se comerá no dia do seu oferecimento; nada se deixará dela até à manhã.

[16] E, se o sacrifício da sua oferta for voto ou oferta voluntária, no dia em que oferecer o seu sacrifício, se comerá; e o

[7]Is é dála an íobairt pheaca é ag an íobairt chúitimh; is ionann gnás dóibh. An sagart a dhéanann leorghníomh léi, bíodh sí aige.

[8]An sagart a ofrálann íobairt uileloiscthe ar son duine, bíodh seithe an íobarthaigh uileloiscthe a d'ofráil sé aige.

[9]Gach abhlann a bácáladh i sorn, gach abhlann bruite ar ghrideall nó in oigheann, bíodh sí ag an sagart a ofrálann í.

[10]Gach abhlann fuinte le hola, nó tur, bíodh sí ag clann Árón go léir gan idirdhealú.

An Íobairt Chomaoineach

[11]Seo é gnás an íobairt chomaoineach le hofráil ag duine don Tiarna:

[12]Má tá sí á hofráil le híobairt bhuíochais, ofráladh sé mar aon léi builíní slimaráin fuinte le hola, cácaí slime le hola leata orthu, agus cístí de phlúr mín fuinte go maith le hola.

[13]Tá an ofráil seo le cur leis na builíní aráin ghabháilte agus leis an íobairt chomaoineach bhuíochais.

[14]Tá ceann de na builíní as gach ofráil le cur i láthair an Tiarna mar íobairt; bíodh sin ag an sagart a chroith fuil an íobairt chomaoineach.

[15]Feoil an íobarthaigh chomaoineach bhuíochais, itear í lá a hofrála; ná fágtar aon ruainne di go maidin.

[16]Ach má bhíonn an t-íobarthach á íobairt mar ofráil mhóide nó méine, itear é lá a

que dele ficar também se comerá no dia seguinte.

[17] Porém o que ainda restar da carne do sacrifício, ao terceiro dia, será queimado.

[18] Se da carne do seu sacrifício pacífico se comer ao terceiro dia, aquele que a ofereceu não será aceito, nem lhe será atribuído o sacrifício; coisa abominável será, e a pessoa que dela comer levará a sua iniqüidade.

[19] A carne que tocar alguma coisa imunda não se comerá; será queimada. Qualquer que estiver limpo comerá a carne do sacrifício.

[20] Porém, se alguma pessoa, tendo sobre si imundícia, comer a carne do sacrifício pacífico, que é do SENHOR, será eliminada do seu povo.

[21] Se uma pessoa tocar alguma coisa imunda, como imundícia de homem, ou de gado imundo, ou de qualquer réptil imundo e da carne do sacrifício pacífico, que é do SENHOR, ela comer, será eliminada do seu povo.

Deus proíbe comer gordura e sangue

[22] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[23] Fala aos filhos de Israel, dizendo: Não comereis gordura de boi, nem de carneiro, nem de cabra.

[24] A gordura do animal que morre por si mesmo e a do dilacerado por feras podem servir para qualquer outro uso, mas de maneira nenhuma as comereis;

ofrála, agus itear an fuílleach lá arna mhárach;

[17]ach má bhíonn aon chuid d'fheoil an íobarthaigh fágtha ar an tríú lá, loisctear sa tine é.

[18]Má itear an fheoil a hofráladh ina híobairt chomaoineach ar an tríú lá, ní ghlacfar le fear a hofrála, ná ní rachaidh sí chun a chreidiúna; is feoil thruaillithe í; agus fear a caite, beidh drochiarsmaí a choire air.

[19]Feoil a bhaineann le haon ní neamhghlan, ná hitear í, ach loisctear sa tine í. Ní miste d'aon duine glan feoil a ithe

[20]ach an duine a íosfaidh feoil íobairt chomaoineach a ofráladh don Tiarna, agus é fós neamhghlan, déantar an duine sin a ionnarbadh óna phobal.

[21]Má bhaineann duine le neamhghlan, duine nó ainmhí neamhghlan, nó aon ní truaillithe, agus ansin feoil íobairt chomaoineach don Tiarna a ithe, déantar an duine sin a ionnarbadh óna phobal.”

[22]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[23]“Labhair le clann Iosrael agus abair leo: Ná hithigí saill ar bith, saill daimh, ná caorach, ná gabhair.

[24]Saill ainmhí a gheobhaidh bás uaidh féin, nó saill ainmhí a stollfaidh ainmhithe allta, ní miste daoibh feidhm ar bith eile a bhaint aisti, ach ní ceadmhach daoibh féin í a ithe.

[25] porque qualquer que comer a gordura do animal, do qual se trouxer ao SENHOR oferta queimada, será eliminado do seu povo.
[26] Não comereis sangue em qualquer das vossas habitações, quer de aves, quer de gado.
[27] Toda pessoa que comer algum sangue será eliminada do seu povo.

A porção dos sacerdotes

[28] Disse mais o SENHOR a Moisés:
[29] Fala aos filhos de Israel, dizendo: Quem oferecer ao SENHOR o seu sacrifício pacífico trará a sua oferta ao SENHOR; do seu sacrifício pacífico

[30] trará com suas próprias mãos as ofertas queimadas do SENHOR; a gordura do peito com o peito trará para movê-lo por oferta movida perante o SENHOR.

[31] O sacerdote queimará a gordura sobre o altar, porém o peito será de Arão e de seus filhos.
[32] Também a coxa direita dareis ao sacerdote por oferta dos vossos sacrifícios pacíficos.
[33] Aquele dos filhos de Arão que oferecer o sangue do sacrifício pacífico e a gordura, esse terá a coxa direita por sua porção;

[34] porque o peito movido e a coxa da oferta tomei dos filhos de Israel, dos seus sacrifícios pacíficos, e os dei a Arão, o sacerdote, e a seus filhos, por direito perpétuo dos filhos de Israel.

[25]Aon duine a itheann saill ainmhí a ofráladh ina íobairt dhóite don Tiarna, déantar é a ionnarbadh óna phobal.
[26]Cibé áit ina mbíonn cónaí oraibh, ná caithigí aon sórt fola, fuil éin ná fuil ainmhí.
[27]Aon duine a chaitheann fuil d'aon sórt, déantar é a ionnarbadh óna phobal."

Cuid an tSagairt

[28]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:
[29]"Labhair le clann mhac Iosrael agus abair: Aon duine a ofrálann íobairt chomaoineach don Tiarna, tugadh sé cuid dá íobairt mar ofráil.
[30]Tugadh sé ofráil dhóite an Tiarna, an tsaill ar an mbrollach is é sin, ina lámha féin. Tugadh sé í sin agus an brollach féin chomh maith, d'fhonn an dleacht ar leith a ofráil i láthair an Tiarna.
[31]Ní foláir don sagart an tsaill a dhó ar an altóir, ach bíodh an brollach ag Árón agus ag a chlann mhac.
[32]Cuirigí an cheathrú dheas de na híobairtí comaoineach i leataobh agus tugaigí don sagart í.
[33]An cheathrú dheas an chuid is dual don mhac le hÁrón a ofrálann fuil agus saill an íobairt chomaoineach.
[34]An brollach, dá réir sin, lena ndéantar an dleacht ar leith a ofráil, agus an cheathrú a ofráiltear, tógaim ar ais iad as na híobairtí comaoineach a ofrálann clann Iosrael, agus tugaim iad d'Árón an sagart agus dá mhic; reacht síoraí é seo ag ceangal chlann Iosrael."

[35] Esta é a porção de Arão e a porção de seus filhos, das ofertas queimadas do SENHOR, no dia em que os apresentou para oficiarem como sacerdotes ao SENHOR;

[36] a qual o SENHOR ordenou que se lhes desse dentre os filhos de Israel no dia em que os ungiu; estatuto perpétuo é pelas suas gerações.

[37] Esta é a lei do holocausto, da oferta de manjares, da oferta pelo pecado, da oferta pela culpa, da consagração e do sacrifício pacífico,

[38] que o SENHOR ordenou a Moisés no monte Sinai, no dia em que ordenou aos filhos de Israel que oferecessem as suas ofertas ao SENHOR, no deserto do Sinai.

[35]Sin é mar sin cuid Árón agus a mhac d'íobairtí uileloiscthe an Tiarna an lá a chuir sé i láthair an Tiarna iad le bheith ina sagairt aige.

[36]D'ordaigh an Tiarna clann Iosrael á thabhairt sin dóibh an lá a ungtar iad; reacht síoraí é seo dá sliocht ó ghlúin go glúin.

[37]Sin é dá réir sin gnás an uileloiscthe, na habhlainne, an íobairt pheaca, na n-íobairtí cúitimh agus insealbhaithe agus comaoineach.

[38]Sin é a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois ar Shliabh Shíonái nuair a d'aithin sé do chlann Iosrael a n-ofrálacha a thabhairt chun an Tiarna i bhfásach Shíonái.

Levítico 8

A consagração de Arão e de seus filhos
Êxodo 29.1-37

[1] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[2] Toma Arão, e seus filhos, e as vestes, e o óleo da unção, como também o novilho da oferta pelo pecado, e os dois carneiros, e o cesto dos pães asmos

[3] e ajunta toda a congregação à porta da tenda da congregação.

[4] Fez, pois, Moisés como o SENHOR lhe ordenara, e a congregação se ajuntou à porta da tenda da congregação.

[5] Então, disse Moisés à congregação: Isto é o que o SENHOR ordenou que se fizesse.

[6] E fez chegar a Arão e a seus filhos e os lavou com água.

Léivític 8

Insealbhú na Sagart

[1]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[2]“Beir leat Árón agus a chlann mhac leis, agus na héidí, agus an criosma, agus an tarbh don íobairt pheaca, agus an dá reithe, agus an cliabh slimaráin.

[3]Gair an comhthionól go léir le chéile ansin ag doras Bhoth na Teagmhála.”

[4]Rinne Maois de réir mar d'ordaigh an Tiarna dó; chruinnigh an comhthionól ag doras Bhoth na Teagmhála.

[5]Agus dúirt Maois leis an gcomhthionól: “Seo mar a d'ordaigh an Tiarna a dhéanamh.”

[6]Rug Maois Árón agus a chlann mhac os a gcomhair agus nigh iad le huisce.

7 Vestiu a Arão da túnica, cingiu-o com o cinto e pôs sobre ele a sobrepeliz; também pôs sobre ele a estola sacerdotal, e o cingiu com o cinto de obra esmerada da estola sacerdotal, e o ajustou com ele.	7Chuir sé an t-ionar air, chuir an crios faoina choim, chuir an fhallaing uime agus chuir an t-éafód air.
8 Depois, lhe colocou o peitoral, pondo no peitoral o Urim e o Tumim;	8Chuir sé an lúireach air agus shocraigh inti an tÚirím agus an Tuimím.
9 e lhe pôs a mitra na cabeça e na mitra, na sua parte dianteira, pôs a lâmina de ouro, a coroa sagrada, como o SENHOR ordenara a Moisés.	9Chuir sé an cheannbheart ar a cheann agus shocraigh an lann óir uirthi chun tosaigh; í sin an choróin bheannaithe de réir mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.
10 Então, Moisés tomou o óleo da unção, e ungiu o tabernáculo e tudo o que havia nele, e o consagrou;	10Fuair Maois an criosma ansin agus rinne an taibearnacal agus a raibh ann a ungadh agus a choisreacan.
11 e dele aspergiu sete vezes sobre o altar e ungiu o altar e todos os seus utensílios, como também a bacia e o seu suporte, para os consagrar.	11Chroith sé cuid de seacht n-uaire ar an altóir agus rinne an altóir agus a ghréithe, agus an t-umar gona bhonn a ungadh á gcoisreacan.
12 Depois, derramou do óleo da unção sobre a cabeça de Arão e ungiu-o, para consagrá-lo.	12Ansin dhoirt sé cuid den chriosma ar cheann Árón á choisreacan leis an ungadh.
13 Também Moisés fez chegar os filhos de Arão, e vestiu-lhes as túnicas, e cingiu-os com o cinto, e atou-lhes as tiaras, como o SENHOR lhe ordenara.	13Ansin rug Maois leis clann mhac Árón, chuir ionair orthu, chuir criosanna faoina gcoim, agus boinéid ar a gceann de réir mar d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.
14 Então, fez chegar o novilho da oferta pelo pecado; e Arão e seus filhos puseram as mãos sobre a cabeça do novilho da oferta pelo pecado;	14Ansin thug sé tarbh an íobairt pheaca i láthair, agus leag Árón agus a chlann mhac a lámha ar cheann an tairbh sin.
15 e Moisés o imolou, e tomou o sangue, e dele pôs, com o dedo, sobre os chifres do altar em redor, e purificou o altar; depois, derramou o resto do sangue à base do altar e o consagrou, para fazer expiação por ele.	15Mharaigh Maois é. Ansin thóg sé an fhuil agus chuir cuid di, lena mhéar, ar bheanna na haltóra timpeall á glanadh. Dhoirt sé an chuid eile den fhuil ag bun na haltóra agus rinne í a choisreacan le gnás an leorghnímh ar a son.

[16] Depois, tomou toda a gordura que está sobre as entranhas, e o redenho do fígado, e os dois rins, e sua gordura; e Moisés os queimou sobre o altar.

[16]Thóg Maois an tsaill go léir a bhí timpeall an ionathair, an meall saille ar an ae, an dá dhuán agus a gcuid saille, agus dhóigh sé an méid sin go léir ar an altóir.

[17] Mas o novilho com o seu couro, e a sua carne, e o seu excremento queimou fora do arraial, como o SENHOR ordenara a Moisés.

[17]Ach seithe an tairbh, a fheoil agus otrach, dhóigh sé lasmuigh den champa iad de réir mar d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[18] Depois, fez chegar o carneiro do holocausto; e Arão e seus filhos puseram as mãos sobre a cabeça do carneiro.

[18]Ansin thug sé an reithe don íobairt uileloiscthe i láthair. Leag Árón agus a chlann mhac a lámha ar cheann an reithe.

[19] E Moisés o imolou e aspergiu o sangue sobre o altar, em redor.

[19]Mharaigh Maois é agus dhoirt a chuid fola ar imill na haltóra.

[20] Partiu também o carneiro nos seus pedaços; Moisés queimou a cabeça, os pedaços e a gordura.

[20]Ansin rinne sé ceathrúna den reithe, dhóigh sé an ceann, na spólaí agus an tsaill.

[21] Porém as entranhas e as pernas lavou com água; e Moisés queimou todo o carneiro sobre o altar; holocausto de aroma agradável, oferta queimada era ao SENHOR, como o SENHOR ordenara a Moisés.

[21]Tar éis an t-ionathar agus na cosa a ní le huisce, loisc Maois an reithe go léir ar an altóir, mar íobairt uileloiscthe, a bhí ina boladh cumhra a thaitin leis an Tiarna; ba íobairt dhóite don Tiarna í de réir mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[22] Então, fez chegar o outro carneiro, o carneiro da consagração; e Arão e seus filhos puseram as mãos sobre a cabeça do carneiro.

[22]Ansin thug sé an reithe eile i láthair, d'íobairt an insealbhaithe. Leag Árón agus a chlann mhac a lámha ar cheann an reithe.

[23] E Moisés o imolou, e tomou do seu sangue, e o pôs sobre a ponta da orelha direita de Arão, e sobre o polegar da sua mão direita, e sobre o polegar do seu pé direito.

[23]Ansin mharaigh Maois é, agus thóg cuid den fhuil agus chuir ar mhaothán cluaise deise Árón í, ar ordóg a láimhe deise, agus ar ordóg a choise deise.

[24] Também fez chegar os filhos de Arão; pôs daquele sangue sobre a ponta da orelha direita deles, e sobre o polegar da mão direita, e sobre o polegar do pé

[24]Ansin tugadh clann mhac Árón i láthair agus chuir Maois cuid den fhuil ar mhaothán a gcluaise deise, ar ordóg a láimhe deise agus ar ordóg a gcoise deise.

direito; e aspergiu Moisés o resto do sangue sobre o altar, em redor.

[25] Tomou a gordura, e a cauda, e toda a gordura que está nas entranhas, e o redenho do fígado, e ambos os rins, e a sua gordura, e a coxa direita.

[26] Também do cesto dos pães asmos, que estava diante do SENHOR, tomou um bolo asmo, um bolo de pão azeitado e uma obreia e os pôs sobre a gordura e sobre a coxa direita.

[27] E tudo isso pôs nas mãos de Arão e de seus filhos e o moveu por oferta movida perante o SENHOR.

[28] Depois, Moisés o tomou das suas mãos e o queimou no altar sobre o holocausto; era uma oferta da consagração, por aroma agradável, oferta queimada ao SENHOR.

[29] Tomou Moisés o peito e moveu-o por oferta movida perante o SENHOR; era a porção que tocava a Moisés, do carneiro da consagração, como o SENHOR lhe ordenara.

[30] Tomou Moisés também do óleo da unção e do sangue que estava sobre o altar e o aspergiu sobre Arão e as suas vestes, bem como sobre os filhos de Arão e as suas vestes; e consagrou a Arão, e as suas vestes, e a seus filhos, e as vestes de seus filhos.

[31] Disse Moisés a Arão e a seus filhos: Cozei a carne diante da porta da tenda da congregação e ali a comereis com o pão

Agus dhoirt Maois an chuid eile den fhuil ar imill na haltóra.

[25]Ansin thóg sé an tsaill: an t-eireaball méith, an tsaill ar an ionathar, an meall saille ar an ae, an dá dhuán agus an tsaill orthusan, agus an cheathrú dheas.

[26]As an gcliabh slimaráin a bhí leagtha os comhair an Tiarna, thóg sé builín slim agus builín aráin fuinte le hola, agus cáca. Leag sé iadsan ar an tsaill agus ar an gceathrú dheas,

[27]agus chuir sé an t-iomlán i lámha Árón agus a mhac agus rinne iad a ofráil mar dhleacht ar leith i láthair an Tiarna.

[28]Ansin ghlac Maois ar ais óna lámha iad agus loisc ar an altóir iad fara an íobairt uileloiscthe. Ba í seo íobairt an insealbhaithe a bhí ina boladh cumhra a thaitin leis an Tiarna. Ba íobairt dhóite don Tiarna í.

[29]Ansin thóg Maois an brollach agus rinne é a ofráil mar dhleacht ar leith i láthair an Tiarna. Bhí an chuid sin de reithe an insealbhaithe ag Maois, mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[30]Ansin thóg Maois cuid den chriosma agus den fhuil a bhí ar an altóir, agus dhoirt ar Árón agus ar a éidí í, agus ar a chlann mhac agus ar a n-éidí. Choisric sé Árón agus a éidí, a chlann mhac agus a n-éidí, ar an gcuma sin.

[31]Ansin dúirt Maois le hÁrón agus lena chlann mhac: “Déanaigí an fheoil a bhruith ag doras Bhoth na Teagmhála,

que está no cesto da consagração, como tenho ordenado, dizendo: Arão e seus filhos a comerão.

[32] Mas o que restar da carne e do pão queimareis.

[33] Também da porta da tenda da congregação não saireis por sete dias, até ao dia em que se cumprirem os dias da vossa consagração; porquanto por sete dias o SENHOR vos consagrará.

[34] Como se fez neste dia, assim o SENHOR ordenou se fizesse, em expiação por vós.

[35] Ficareis, pois, à porta da tenda da congregação dia e noite, por sete dias, e observareis as prescrições do SENHOR, para que não morrais; porque assim me foi ordenado.

[36] E Arão e seus filhos fizeram todas as coisas que o SENHOR ordenara por intermédio de Moisés.

Levítico 9

Arão oferece sacrifícios por si e pelo povo

[1] Ao oitavo dia, chamou Moisés a Arão, e a seus filhos, e aos anciãos de Israel

[2] e disse a Arão: Toma um bezerro, para oferta pelo pecado, e um carneiro, para holocausto, ambos sem defeito, e traze-os perante o SENHOR.

[3] Depois, dirás aos filhos de Israel: Tomai um bode, para oferta pelo pecado, um bezerro e um cordeiro, ambos de um ano e sem defeito, como holocausto;

agus ithigí ansiúd í; agus mar an gcéanna leis an arán do íobairt an insealbhaithe atá sa chliabh faoi mar a d'ordaigh mé á rá: Itheadh Árón agus a chlann mhac é!

[32]A mbíonn fágtha den fheoil agus den arán, déanaigí é a dhó.

[33]Ar feadh seacht lá ní rachaidh sibh lasmuigh de dhoras Bhoth na Teagmhála go dtí go mbeidh téarma bhur n-insealbhaithe caite agaibh; tógfaidh bhur n-insealbhú seacht lá.

[34]D'ordaigh an Tiarna dúinn déanamh mar a rinneamar inniu ag comhlíonadh ghnás an leorghnímh ar bhur son.

[35]Ní foláir daoibh fanacht seacht lá agus seacht n-oíche ag doras Bhoth na Teagmhála ag comhlíonadh ghnás an Tiarna; déanaigí amhlaidh agus ní baol daoibh an bás. Sin é an t-ordú a fuaireas."

[36]Rinne Árón agus a chlann mhac gach ní a d'ordaigh an Tiarna trí Mhaois.

Léivític 9

Na Sagairt i mBun a gCúraim

[1]Ar an ochtú lá, ghlaoigh Maois ar Árón agus ar a chlann mhac agus ar sheanóirí Iosrael.

[2]Dúirt sé le hÁrón: "Tóg lao d'íobairt pheaca, agus reithe don íobairt uileloiscthe; bídís araon gan mháchail, agus tabhair leat chun an Tiarna iad.

[3]Ansin abair le clann mhac Iosrael: 'Togaigí pocán gabhair don íobairt pheaca, agus lao agus uan bliana, iad

araon gan mháchail, don íobairt uileloiscthe. Do na híobairtí comaoineach:

[4] e um boi e um carneiro, por oferta pacífica, para sacrificar perante o SENHOR, e oferta de manjares amassada com azeite; porquanto, hoje, o SENHOR vos aparecerá.

[4]damh agus reithe le marú i láthair an Tiarna agus abhlann fuinte le hola. Óir taispeánfaidh an Tiarna é féin daoibh inniu.' "

[5] Então, trouxeram o que ordenara Moisés, diante da tenda da congregação, e chegou-se toda a congregação e se pôs perante o SENHOR.

[5]Thugadar leo os comhair Bhoth na Teagmhála gach ar ordaigh Maois; tháinig an comhthionól uile i gcóngar agus sheasadar i láthair an Tiarna.

[6] Disse Moisés: Esta coisa que o SENHOR ordenou fareis; e a glória do SENHOR vos aparecerá.

[6]Dúirt Maois: "Is é seo a d'ordaigh an Tiarna daoibh a dhéanamh, d'fhonn go bhfoilseofaí a ghlóir daoibh."

[7] Depois, disse Moisés a Arão: Chega-te ao altar, faze a tua oferta pelo pecado e o teu holocausto; e faze expiação por ti e pelo povo; depois, faze a oferta do povo e a expiação por ele, como ordenou o SENHOR.

[7]Ansin dúirt Maois le hÁrón: "Téigh chun na haltóra agus ofráil d'íobairt pheaca, agus d'íobairt uileloiscthe agus ceiliúir ar an gcuma sin gnás an leorghnímh duit féin agus do do mhuintir. Ansin tabhair ofráil an phobail agus ceiliúir an gnás leorghnímh dóibh, faoi mar a d'ordaigh an Tiarna."

[8] Chegou-se, pois, Arão ao altar e imolou o bezerro da oferta pelo pecado que era por si mesmo.

[8]Chuaigh Árón chun na haltóra agus mharaigh sé an lao mar íobairt ar son a pheaca féin.

[9] Os filhos de Arão trouxeram-lhe o sangue; ele molhou o dedo no sangue e o pôs sobre os chifres do altar; e o resto do sangue derramou à base do altar.

[9]Ansin thug clann Árón an fhuil chuige; thum sé a mhéar san fhuil agus chuir cuid di ar bheanna na haltóra, agus dhoirt fuílleach na fola ag bun na haltóra.

[10] Mas a gordura, e os rins, e o redenho do fígado da oferta pelo pecado queimou sobre o altar, como o SENHOR ordenara a Moisés.

[10]Saill an íobairt pheaca, na duáin agus an meall saille ar an ae, loisc sé ar an altóir iad mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[11] Porém a carne e o couro queimou fora do arraial.

[11]Loisc sé an fheoil agus an tseithe lasmuigh den champa.

[12] Depois, imolou o holocausto, e os filhos de Arão lhe entregaram o sangue, e ele o aspergiu sobre o altar, em redor.

[13] Também lhe entregaram o holocausto nos seus pedaços, com a cabeça; e queimou-o sobre o altar.

[14] E lavou as entranhas e as pernas e as queimou sobre o holocausto, no altar.

[15] Depois, fez chegar a oferta do povo, e, tomando o bode da oferta pelo pecado, que era pelo povo, o imolou, e o preparou por oferta pelo pecado, como fizera com o primeiro.

[16] Também fez chegar o holocausto e o ofereceu segundo o rito.

[17] Fez chegar a oferta de manjares, e dela tomou um punhado, e queimou sobre o altar, além do holocausto da manhã.

[18] Depois, imolou o boi e o carneiro em sacrifício pacífico, que era pelo povo; e os filhos de Arão entregaram-lhe o sangue, que aspergiu sobre o altar, em redor,

[19] como também a gordura do boi e do carneiro, e a cauda, e o que cobre as entranhas, e os rins, e o redenho do fígado.

[20] E puseram a gordura sobre o peito, e ele a queimou sobre o altar;

[21] mas o peito e a coxa direita Arão moveu por oferta movida perante o SENHOR, como Moisés tinha ordenado.

[12]Mharaigh Árón an t-íobarthach a bhí le huileloscadh ansin; thug a chlann mhac an fhuil chuige agus dhoirt sé í ar imill na haltóra.

[13]Ansin thugadar dó an t-íobarthach ina spólaí roinnte, a cheann chomh maith, agus dhóigh sé an t-iomlán seo ar an altóir.

[14]Nigh sé an t-ionathar agus na cosa agus dhóigh iad ar an altóir mar aon leis an uileloisctheach.

[15]Ansin thug sé ofráil an phobail i láthair. Thóg sé gabhar ofráil pheaca an phobail, mharaigh é, agus d'ofráil é ar son peaca dála an chéad chinn.

[16]Thug sé an íobairt uileloiscthe i láthair ansin agus rinne de réir an ghnáis.

[17]An abhlann a thug sé i láthair ansin; thóg sé dorn aisti agus dhóigh ar an tine é fara íobairt uileloiscthe na maidine.

[18]Ar deireadh mharaigh sé an damh agus an reithe mar íobairt chomaoineach don phobal. Shín clann Árón an fhuil chuige agus dhoirt sé í ar imill na haltóra.

[19]Saill an daimh agus an reithe - an t-eireaball méith, an tsaill timpeall an ionathair, na duáin, an meall saille ar an ae -

[20]chuir sé an méid sin go léir ar na brollaigh agus loisc é go léir ar an altóir.

[21]Rinne Árón na brollaigh agus an cheathrú dheas a ofráil mar dhleacht ar leith faoi mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[22] Depois, Arão levantou as mãos para o povo e o abençoou; e desceu, havendo feito a oferta pelo pecado, e o holocausto, e a oferta pacífica.

[23] Então, entraram Moisés e Arão na tenda da congregação; e, saindo, abençoaram o povo; e a glória do SENHOR apareceu a todo o povo.

[24] E eis que, saindo fogo de diante do SENHOR, consumiu o holocausto e a gordura sobre o altar; o que vendo o povo, jubilou e prostrou-se sobre o rosto.

[22]Ansin d'ardaigh Árón a lámha i dtreo an phobail agus bheannaigh iad. Nuair a bhí an íobairt pheaca, an íobairt uileloiscthe, agus an íobairt chomaoineach déanta aige ar an gcuma sin, tháinig sé anuas

[23]agus chuaigh isteach i mBoth na Teagmhála le Maois. Amach leo araon ansin chun an pobal a bheannú agus d'fhoilsigh glóir an Tiarna don phobal ar fad.

[24]Phreab lasair amach ó láthair an Tiarna agus loisc sí an tsaill ar an altóir. Ar a fheiceáil sin don phobal, chuireadar na gártha áthais suas, agus thiteadar ar a n-aghaidh.

Levítico 10

Nadabe e Abiú morrem diante do SENHOR

[1] Nadabe e Abiú, filhos de Arão, tomaram cada um o seu incensário, e puseram neles fogo, e sobre este, incenso, e trouxeram fogo estranho perante a face do SENHOR, o que lhes não ordenara.

[2] Então, saiu fogo de diante do SENHOR e os consumiu; e morreram perante o SENHOR.

[3] E falou Moisés a Arão: Isto é o que o SENHOR disse: Mostrarei a minha santidade naqueles que se cheguem a mim e serei glorificado diante de todo o povo. Porém Arão se calou.

[4] Então, Moisés chamou a Misael e a Elzafã, filhos de Uziel, tio de Arão, e disse-lhes: Chegai, tirai vossos irmãos de diante do santuário, para fora do arraial.

Léivític 10

Dlíthe Breise

[1]Nádáb agus Aibíchiú, beirt mhac Árón, thóg gach duine díobh a thúiseoir, chuir tine ann, túis ar an tine agus d'ofráladar i láthair an Tiarna tine mhídhleathach nach raibh ordaithe aige dóibh.

[2]Ansin phreab lasair amach ó fhianaise an Tiarna agus scrios iad, agus fuaireadar bás i láthair an Tiarna.

[3]Dúirt Maois le hÁrón: “Sé seo a bhí i gceist ag an Tiarna á rá: ‘Taispeánfaidh mé mo naofacht i measc a bhfuil i ngar dom, Agus don phobal go léir foilseofar mo ghlóir.’ ” Níor fhan focal ag Árón.

[4]Ghlaoigh Maois ar Mhíseáél agus ar Ealzáfán, mic Uiziél uncail Árón, agus dúirt leo: “Tagaigí agus beirigí bhur mbráithre libh i bhfad ón sanctóir, ón gcampa amach.”

[5] Chegaram-se, pois, e os levaram nas suas túnicas para fora do arraial, como Moisés tinha dito.

[5]Thángadar agus rugadar leo iad, a n-ionair fós orthu, ón gcampa amach mar a d'ordaigh Maois.

[6] Moisés disse a Arão e a seus filhos Eleazar e Itamar: Não desgrenheis os cabelos, nem rasgueis as vossas vestes, para que não morrais, nem venha grande ira sobre toda a congregação; mas vossos irmãos, toda a casa de Israel, lamentem o incêndio que o SENHOR suscitou.

[6]Dúirt Maois le hÁrón agus lena mhic Eileázár agus Íteámár: “Ná stollaigí gruaig bhur gcinn agus ná sracaigí bhur gcuid éadaigh; ní baol daoibh an bás; is leis an gcomhthionól uile atá sé i bhfearg; is é teaghlach Iosrael uile a chaithfidh bhur mbráithre a chaoineadh, bhur mbráithre a scrios tine an Tiarna.

[7] Não saireis da porta da tenda da congregação, para que não morrais; porque está sobre vós o óleo da unção do SENHOR. E fizeram conforme a palavra de Moisés.

[7]Ná fágaigí doras Bhoth na Teagmhála le heagla go bhfaigheadh sibh bás; óir tá criosma an Tiarna oraibh.” Rinneadar mar a dúirt Maois.

Deveres e porções dos sacerdotes

[8] Falou também o SENHOR a Arão, dizendo:

[8]Labhair an Tiarna le hÁrón agus dúirt:

[9] Vinho ou bebida forte tu e teus filhos não bebereis quando entrardes na tenda da congregação, para que não morrais; estatuto perpétuo será isso entre as vossas gerações,

[9]“Nuair a bhíonn sibh ag dul isteach i mBoth na Teagmhála, tú féin agus do chlann mhac mar aon leat, ná hólaigí fion ná braon crua, le heagla an bháis. Reacht síoraí é sin ag bhur sliocht ó ghlúin go glúin.

[10] para fazerdes diferença entre o santo e o profano e entre o imundo e o limpo

[10]Bíodh an scéal amhlaidh chomh maith agus sibh ag dealú an naofa ón gcoitianta, an ghlan ón neamhghlan,

[11] e para ensinardes aos filhos de Israel todos os estatutos que o SENHOR lhes tem falado por intermédio de Moisés.

[11]agus nuair a bheidh na reachtanna go léir a dheachtaigh an Tiarna dóibh trí bhéal Mhaois agaibh á dteagasc do chlann Iosrael.”

[12] Disse Moisés a Arão e aos filhos deste, Eleazar e Itamar, que lhe ficaram: Tomai a oferta de manjares, restante das ofertas queimadas ao SENHOR, e comei-a, sem

[12]Dúirt Maois le hÁrón agus le hEileázár agus Íteámár, na mic leis a bhí fágtha: “Tógaigí fuílleach na habhlainne atá fágtha d'íobairtí dóite an Tiarna. Ithigí an

fermento, junto ao altar, porquanto coisa santíssima é.

[13] Comê-la-eis em lugar santo, porque isto é a tua porção e a porção de teus filhos, das ofertas queimadas do SENHOR; porque assim me foi ordenado.

[14] Também o peito da oferta movida e a coxa da oferta comereis em lugar limpo, tu, e teus filhos, e tuas filhas, porque foram dados por tua porção e por porção de teus filhos, dos sacrifícios pacíficos dos filhos de Israel.

[15] A coxa da oferta e o peito da oferta movida trarão com as ofertas queimadas de gordura, para mover por oferta movida perante o SENHOR, o que será por estatuto perpétuo, para ti e para teus filhos, como o SENHOR tem ordenado.

6Bídís naofa dá nDia agus ná truaillídís ainm a nDé. Is iadsan a thugann chun an Tiarna na híobairtí loiscthe, bia a nDé. Ní foláir iad a bheith naofa dá bhrí sin.

[7] Não tomarão mulher prostituta ou desonrada, nem tomarão mulher repudiada de seu marido, pois o sacerdote é santo a seu Deus.

[8] Portanto, o consagrarás, porque oferece o pão do teu Deus. Ele vos será santo, pois eu, o SENHOR que vos santifico, sou santo.

[9] Se a filha de um sacerdote se desonra, prostituindo-se, profana a seu pai; será queimada.

[10] O sumo sacerdote entre seus irmãos, sobre cuja cabeça foi derramado o óleo da unção, e que for consagrado para vestir as vestes sagradas, não desgrenhará os cabelos, nem rasgará as suas vestes.

[11] Não se chegará a cadáver algum, nem se contaminará por causa de seu pai ou de sua mãe.

[12] Não sairá do santuário, nem profanará o santuário do seu Deus, pois a consagração do óleo da unção do seu Deus está sobre ele. Eu sou o SENHOR.

[13] Ele tomará por mulher uma virgem.

[14] Viúva, ou repudiada, ou desonrada, ou prostituta, estas não tomará, mas virgem do seu povo tomará por mulher.

[15] E não profanará a sua descendência entre o seu povo, porque eu sou o SENHOR, que o santifico.

[16] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[7]Ná gabhaidís chucu mar cheile bean a thruailligh an striapachas, ná bean ar scar a fear léi; óir tá an sagart naofa dá Dhia.

[8]Bíodh sé coisricthe agat mar go n-ofrálann sé bia do Dhé. Bíodh sé naofa agat, óir táimse, an Tiarna, a naomhaíonn thú, naofa.

[9]Má thruaillíonn iníon sagairt ar bith í féin le striapachas, truaillíonn sí a hathair agus ní foláir í a loscadh le tine.

[10]“An sagart a chinneann ar a bhráithre, ar doirteadh an criosma ar a cheann agus a insealbhaíodh, ná mothallaíodh sé a fholt agus ná stolladh sé a chuid éadaigh.

[11]Ná téadh sé i ngar corpáin; ná déanadh sé é féin neamhghlan fiú ar son a athar ná a mháthar.

[12]Ná gabhadh sé amach ón áit bheannaithe agus ná truaillíodh sé sanctóir a Dhé; óir iompraíonn sé coisreacan a Dhé air féin, an coisreacan a rinneadh air le hola. Mise an Tiarna.

[13]“Bean atá fós ina maighdean ní foláir dó a ghabháil chuige mar chéile.

[14]Bean atá ina baintreach, nó scartha óna céile, nó truaillithe ag striapachas, ná pósadh sé, ach maighdean dá mhuintir féin bíodh aige mar bhean.

[15]Ná truaillíodh sé a shliocht i measc a mhuintire, óir is mise an Tiarna a naomhaíonn é.”

[16]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[17] Fala a Arão, dizendo: Ninguém dos teus descendentes, nas suas gerações, em quem houver algum defeito se chegará para oferecer o pão do seu Deus.

[18] Pois nenhum homem em quem houver defeito se chegará: como homem cego, ou coxo, ou de rosto mutilado, ou desproporcionado,

[19] ou homem que tiver o pé quebrado ou mão quebrada,

[20] ou corcovado, ou anão, ou que tiver belida no olho, ou sarna, ou impigens, ou que tiver testículo quebrado.

[21] Nenhum homem da descendência de Arão, o sacerdote, em quem houver algum defeito se chegará para oferecer as ofertas queimadas do SENHOR; ele tem defeito; não se chegará para oferecer o pão do seu Deus.

[22] Comerá o pão do seu Deus, tanto do santíssimo como do santo.

[23] Porém até ao véu não entrará, nem se chegará ao altar, porque tem defeito, para que não profane os meus santuários, porque eu sou o SENHOR, que os santifico.

[24] Assim falou Moisés a Arão, aos filhos deste e a todos os filhos de Israel.

Levítico 22

A lei acerca de comer coisas santas

[1] Disse o SENHOR a Moisés:

[2] Dize a Arão e aos seus filhos que se abstenham das coisas sagradas, dedicadas a mim pelos filhos de Israel, para que não

[17]“Abair le hÁrón: Aon duine ar do shliocht, in aon ghlúin má bhíonn iomard air, ná tagadh sé agus bia a Dhé a ofráil.

[18]Ná tagadh aon duine i ngar ar a bhfuil iomard mar dhaille nó coiscéim bhacaí, nó atá ciorraithe nó míchumtha,

[19]nó leonta ó chois nó ó láimh,

[20]nó atá ina chruiteachán nó ina fhíothal, ná aon duine ar a bhfuil máchail radhairc nó craicinn, nó cneá shilidh, ná atá coillte.

[21]Aon duine de shliocht Árón an sagart, ná tagadh sé agus íobairtí loiscthe an Tiarna a ofráil má bhíonn aon iomard air; ná tagadh sé i láthair chun bia a Dhé a ofráil má bhíonn iomard air.

[22]Is ceadmhach dó bia a Dhé a ithe, idir shárnaofa agus naofa,

[23]ach ná tagadh sé i ngar don fhial agus ná druideadh sé leis an altóir mar go bhfuil iomard air; ná truaillíodh sé na nithe naofa agam; óir is mise an Tiarna a naomhaigh iad.”

[24]D'inis Maois an méid sin d'Árón agus dá mhic, agus do chlann Iosrael go léir.

Léivític 22

Naofacht sna hÍobairtí

[1]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[2]“Abair le hÁrón agus lena chlann iad féin a naomhú trí íobairtí naofa chlann Iosrael, agus gan iad a thruailliú m'ainm; ar mo

profanem o meu santo nome. Eu sou o SENHOR.

[3] Dize-lhes: Todo homem, que entre as vossas gerações, de toda a vossa descendência, se chegar às coisas sagradas que os filhos de Israel dedicam ao SENHOR, tendo sobre si a sua imundícia, aquela alma será eliminada de diante de mim. Eu sou o SENHOR.

[4] Ninguém da descendência de Arão que for leproso ou tiver fluxo comerá das coisas sagradas, até que seja limpo; como também o que tocar alguma coisa imunda por causa de um morto ou aquele com quem se der a emissão do sêmen;

[5] ou qualquer que tocar algum réptil, com o que se faz imundo, ou a algum homem, com o que se faz imundo, seja qual for a sua imundícia.

[6] O homem que o tocar será imundo até à tarde e não comerá das coisas sagradas sem primeiro banhar o seu corpo em água.

[7] Posto o sol, então, será limpo e, depois, comerá das coisas sagradas, porque isto é o seu pão.

[8] Do animal que morre por si mesmo ou é dilacerado não comerá, para, com isso, não contaminar-se. Eu sou o SENHOR.

[9] Guardarão, pois, a obrigação que têm para comigo, para que, por isso, não levem sobre si pecado e morram, havendo-o profanado. Eu sou o SENHOR, que os santifico.

shonsa déanaidís é a naomhú; mise an Tiarna.

[3]Abair é seo leo: Aon duine ar do shliocht, in aon ghlúin, má thagann sé i ngar na n-íobairtí naofa a choisric clann Iosrael don Tiarna agus neamhghlaine air, déantar an duine sin a dhíbirt ó mo láthair. Mise an Tiarna.

[4]Aon duine de shliocht Árón ar a mbíonn lobhra nó sileadh cneá, ná hitheadh sé na nithe naofa go nglantar é. Aon duine a bhaineann le rud a fágadh neamhghlan ag corpán, nó duine a chailleann síol,

[5]nó a dhéantar neamhghlan trí bhaint le snáfach éigin, nó le duine eile a d'fhág air a neamhghlaine féin, cibé sórt í -

[6]sea, aon duine a raibh caidreamh den sórt sin aige, bíodh sé neamhghlan go nóin, agus ná hitheadh sé na nithe naofa gan a chorp a ní le huisce.

[7]Tar éis don ghrian dul faoi, bíodh sé glan agus ní miste dó na nithe naofa a ithe ós iad is beatha dó.

[8]Ainmhí a fuair bás uaidh féin, nó a stoll ainmhithe allta, ná hitheadh sé é; d'fhágfadh sin neamhghlan é. Mise an Tiarna.

[9]Coimeádaidís mo rialacha, agus ná gabhadh aon chiontacht iad; má bhriseann siad iad, gheobhaidh siad bás; is mise an Tiarna a naomhaíonn iad.

[10] Nenhum estrangeiro comerá das coisas sagradas; o hóspede do sacerdote nem o seu jornaleiro comerão das coisas sagradas.

[10]Na hitheadh coimhthíoch na nithe naofa; agus ná hitheadh aoi sagairt iad ná fostúch leis.

[11] Mas, se o sacerdote comprar algum escravo com o seu dinheiro, este comerá delas; os que nascerem na sua casa, estes comerão do seu pão.

[11]Ach má bhíonn daor a cheannaigh sé ag sagart, ní miste don daor sin iad a ithe, dála an té a rugadh ina theach; óir caitheann siadsan a bhia féin.

[12] Quando a filha do sacerdote se casar com estrangeiro, ela não comerá da oferta das coisas sagradas.

[12]Má phósann iníon sagairt coimhthíoch, ná hitheadh sí an roinn naofa a cuireadh i leataobh.

[13] Mas, se a filha do sacerdote for viúva ou repudiada, e não tiver filhos, e se houver tornado à casa de seu pai, como na sua mocidade, do pão de seu pai comerá; mas nenhum estrangeiro comerá dele.

[13]Ach má chailleann sí a fear nó má scarann sé uaithi, agus í gan leanbh, agus go bhfilleann sí ar theach a hathar mar a bhí aici ina hóige, ní miste di bia a hathar a chaitheamh. Ná hitheadh aon choimhthíoch é.

[14] Se alguém, por ignorância, comer a coisa sagrada, ajuntar-se-lhe-á a sua quinta parte e a dará ao sacerdote com a coisa sagrada.

[14]Má itheann duine rud naofa gan fhios, déanadh sé é a aisíoc leis an sagart agus cúigiú dá luach de bhreis leis.

[15] Não profanarão as coisas sagradas que os filhos de Israel oferecem ao SENHOR,

[15]Ná truaillídís na híobairtí naofa a chuir clann Iosrael i leataobh don Tiarna;

[16] pois assim os fariam levar sobre si a culpa da iniqüidade, comendo as coisas sagradas; porque eu sou o SENHOR, que os santifico.

[16]d'fhágfadh sé coir orthu iad sin a ithe, rud a d'éileodh íobairt leorghnímh; óir is mise an Tiarna a naomhaigh na híobairtí seo."

Os animais sacrificados devem ser sem defeito

[17] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[17]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[18] Fala a Arão, e a seus filhos, e a todos os filhos de Israel e dize-lhes: Qualquer que, da casa de Israel ou dos estrangeiros em Israel, apresentar a sua oferta, quer em cumprimento de seus votos ou como ofertas voluntárias, que apresentar ao SENHOR em holocausto,

[18]"Abair é seo le hÁrón, lena chlann mhac, agus le clann Iosrael: Nuair a dhéanann aon duine de theaghlach Iosrael nó aon duine de na deoraithe in Iosrael, ofráil a thabhairt ar son móide nó mar íobairt dheonach le hofráil don Tiarna mar íobairt uileloiscthe,

[19] para que seja aceitável, oferecerá macho sem defeito, ou do gado, ou do rebanho de ovelhas, ou de cabras.

[20] Porém todo o que tiver defeito, esse não oferecereis; porque não seria aceito a vosso favor.

[21] Quando alguém oferecer sacrifício pacífico ao SENHOR, quer em cumprimento de voto ou como oferta voluntária, do gado ou do rebanho, o animal deve ser sem defeito para ser aceitável; nele, não haverá defeito nenhum.

[22] O cego, ou aleijado, ou mutilado, ou ulceroso, ou sarnoso, ou cheio de impigens, não os oferecereis ao SENHOR e deles não poreis oferta queimada ao SENHOR sobre o altar.

[23] Porém novilho ou cordeiro desproporcionados poderás oferecer por oferta voluntária, mas, por voto, não será aceito.

[24] Não oferecereis ao SENHOR animal que tiver os testículos machucados, ou moídos, ou arrancados, ou cortados; nem fareis isso na vossa terra.

[25] Também da mão do estrangeiro nenhum desses animais oferecereis como pão do vosso Deus, porque são corrompidos pelo defeito que há neles; não serão aceitos a vosso favor.

[26] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[27] Quando nascer o boi, ou cordeiro, ou cabra, sete dias estará com a mãe; do

[19]ní mór dó, má tháthar le glacadh leis, fireannach gan mháchail a ofráil, damh nó caora nó gabhar.

[20]Ná híobraígí aon ní ar a bhfuil máchail óir ní ghlacfaí leis ar bhur son.

[21]Nuair a ofrálann duine íobairt chomaoineach don Tiarna, mar chomhlíonadh móide nó mar íobairt dheonach, bíodh an t-ainmhí - más den tréad nó den táin é - foirfe má tháthar chun glacadh leis; bíodh sé gan mháchail.

[22]Ainmhí dall, bacach, nó ciorraithe, ainmhí le neascóidí le tochas nó le gearba, ná hofrálaigí don Tiarna é. Ná leagaigí aon ruainne d'ainmhí den sórt sin ar an altóir mar íobairt uileloiscthe don Tiarna.

[23]Damh nó uan a bheadh ina fhíothal nó míchumtha, ní cás duit é a ofráil mar íobairt dheonach, ach ní ghlacfar lena leithéid mar fhuascailt mhóide.

[24]Ná hofrálaigí don Tiarna aon ainmhí le margairlí brúite, briste, gearrtha anuas nó gonta; ná déanaigí amhlaidh in bhur dtír féin

[25]agus ná glacaigí lena leithéid ó lámha deoranta le hofráil mar bhia do bhur nDia. Ainimh í a máchail a d'fhágfadh nach nglacfaí leo ar bhur son.”

[26]Labhair an Tiarna le Maois, agus dúirt:

[27]“Lao, uan, nó meannán, fanadh sé seacht lá lena mháthair tar éis a bhreithe. Ón

oitavo dia em diante, será aceito por oferta queimada ao SENHOR.

[28] Ou seja vaca, ou seja ovelha, não imolarás a ela e seu filho, ambos no mesmo dia.

[29] Quando oferecerdes sacrifício de louvores ao SENHOR, fá-lo-eis para que sejais aceitos.

[30] No mesmo dia, será comido; e, dele, nada deixareis ficar até pela manhã. Eu sou o SENHOR.

[31] Pelo que guardareis os meus mandamentos e os cumprireis. Eu sou o SENHOR.

[32] Não profanareis o meu santo nome, mas serei santificado no meio dos filhos de Israel. Eu sou o SENHOR, que vos santifico,

[33] que vos tirei da terra do Egito, para ser o vosso Deus. Eu sou o SENHOR.

ochtú lá amach, beidh sé inghlactha mar íobairt uileloiscthe don Tiarna.

[28]Ach ná maraigh an mháthair, más bó más caora, ar an aon lá lena hóg.

[29]Má ofrálann sibh íobairt bhuíochais don Tiarna, ofrálaigí í ar mhodh inghlactha.

[30]Ní foláir í a ithe an lá céanna gan aon chuid di a choimeád go maidin. Mise an Tiarna.

[31]“Coimeádaigí m'aitheanta agus déanaigí dá réir. Mise an Tiarna.

[32]Ná truailligí m'ainm naofa d'fhonn go naomhófaí mé i measc chlann Iosrael; mise an Tiarna a naomhaíonn sibh.

[33]Mise a thug amach sibh ó thalamh na hÉigipte le bheith mar Dhia agaibh. Mise an Tiarna.”

Levítico 23

As festas solenes do SENHOR

[1] Disse o SENHOR a Moisés:

[2] Fala aos filhos de Israel e dize-lhes: As festas fixas do SENHOR, que proclamareis, serão santas convocações; são estas as minhas festas.

O Sábado

Êxodo 23.12

[3] Seis dias trabalhareis, mas o sétimo será o sábado do descanso solene, santa convocação; nenhuma obra fareis; é sábado do SENHOR em todas as vossas moradas.

A Páscoa

Léivític 23

Gnás na bhFéilte Bliantúla

[1]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[2]“Labhair le clann Iosrael agus abair leo: (Sollúna an Tiarna dá nglaonn tú iad, is tionóil naofa iad.) Seo iad m'fhéilte sollúnta!

[3]Déanaigí saothar ar feadh sé lá, ach bíodh an seachtú lá ina lánsaoire, ina lá comhthionóil naofa nach ndéanfar saothar ar bith. Cibé ait ina mbíonn cónaí oraibh, sabóid don Tiarna é seo.

Êxodo 23.14,15; 34.18; Deuteronômio 16.1-8

4 São estas as festas fixas do SENHOR, as santas convocações, que proclamareis no seu tempo determinado:

5 no mês primeiro, aos catorze do mês, no crepúsculo da tarde, é a Páscoa do SENHOR.

6 E aos quinze dias deste mês é a Festa dos Pães Asmos do SENHOR; sete dias comereis pães asmos.

7 No primeiro dia, tereis santa convocação; nenhuma obra servil fareis;

8 mas sete dias oferecereis oferta queimada ao SENHOR; ao sétimo dia, haverá santa convocação; nenhuma obra servil fareis.

4Seo iad féilte sollúnta an Tiarna, na tionóil naofa dá ngairfidh sibh clann Iosrael ar an lá ceaptha.

5An ceathrú lá déag den chéad mhí, idir dhá nóin, sin é Cáisc an Tiarna.

6An cúigiú lá déag den mhí chéanna féile an tSlimaráin ag an Tiarna; ithigí arán slim ar feadh seacht lá.

7An chéad lá bíodh tionól naofa agaibh, gan aon saothar trom a dhéanamh.

8Ofrálaigí íobairt loiscthe don Tiarna ar feadh seacht lá; bíodh comhthionól naofa agaibh an seachtú lá, gan aon obair a dhéanamh."

As Primícias

Êxodo 23.16; 34.22,26

9 Disse mais o SENHOR a Moisés:

10 Fala aos filhos de Israel e dize-lhes: Quando entrardes na terra, que vos dou, e segardes a sua messe, então, trareis um molho das primícias da vossa messe ao sacerdote;

11 este moverá o molho perante o SENHOR, para que sejais aceitos;

12 no dia imediato ao sábado, o sacerdote o moverá. No dia em que moverdes o molho, oferecereis um cordeiro sem defeito, de um ano, em holocausto ao SENHOR.

13 A sua oferta de manjares serão duas dízimas de um efa de flor de farinha, amassada com azeite, para oferta

9Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

10"Labhair le clann Iosrael agus abair leo: Nuair a théann sibh isteach sa tír atá á thabhairt agam daoibh, agus a fhómhar a bhaint, tugaigí céadphunann bhur bhfómhair go dtí an sagart.

11Cuireadh sé i láthair an Tiarna í mar dhleacht ar leith, d'fhonn go nglacfaí libh. Amárach na sabóide a dhéanfaidh an sagart an ofráil seo.

12An lá céanna a dhéanfaidh sibh an dleacht ar leith seo a ofráil, ofrálfaidh sibh uan bliana gan mháchail mar íobairt uileloiscthe don Tiarna.

13Sé a bheidh in abhlann an lae sin, dhá dheachú de phlúr mín fuinte le hola, íobairt uileloiscthe a dtaitneoidh a

queimada de aroma agradável ao SENHOR, e a sua libação será de vinho, a quarta parte de um him.

cumhracht leis an Tiarna. An ofráil dí, bíodh sí d'fhíon, ceathrú hín.

[14] Não comereis pão, nem trigo torrado, nem espigas verdes, até ao dia em que trouxerdes a oferta ao vosso Deus; é estatuto perpétuo por vossas gerações, em todas as vossas moradas.

[14]Ná hithigí aon arán, aon arbhar tíortha ná aon arán bruite, roimh an lá seo, roimh an ofráil a dhéanamh do bhur nDia. Sin reacht síoraí do bhur sliocht go léir cibé áit ina mbíonn cónaí oraibh.

O Pentecostes

Deuteronômio 16.9-12

[15] Contareis para vós outros desde o dia imediato ao sábado, desde o dia em que trouxerdes o molho da oferta movida; sete semanas inteiras serão.

[15]Ón lá tar éis na sabóide, ón lá a thug sibh libh punann na hofrála dleachta, comhairigí seacht lánseachtainí.

[16] Até ao dia imediato ao sétimo sábado, contareis cinqüenta dias; então, trareis nova oferta de manjares ao SENHOR.

[16]Comhairigí leathchéad lá go dtí an lá tar éis an seachtú sabóid, ansin ofrálaigí abhlann de ghrán úr don Tiarna.

[17] Das vossas moradas trareis dois pães para serem movidos; de duas dízimas de um efa de farinha serão; levedados se cozerão; são primícias ao SENHOR.

[17]Tugaigí libh ó bhur dtithe, le cur i láthair mar dhleacht ar leith, dhá bhuilín fuinte as dhá dheachú dephlúr mín bruite le gabháile; céadtorthaí don Tiarna iadsan.

[18] Com o pão oferecereis sete cordeiros sem defeito de um ano, e um novilho, e dois carneiros; holocausto serão ao SENHOR, com a sua oferta de manjares e as suas libações, por oferta queimada de aroma agradável ao SENHOR.

[18]Fara an arán, ofrálaigí seacht n-uan bliana gan mháchail, tarbh óg agus dhá reithe, mar íobairt uileloiscthe don Tiarna, mar aon le habhlann agus íobairt dí, agus íobairt dhóite a dtaitneoidh a cumhracht leis an Tiarna.

[19] Também oferecereis um bode, para oferta pelo pecado, e dois cordeiros de um ano, por oferta pacífica.

[19]Ofrálaigí pocán gabhair chomh maith mar íobairt pheaca, agus dhá uan bhliana fhireanna mar íobairt chomaoineach.

[20] Então, o sacerdote os moverá, com o pão das primícias, por oferta movida perante o SENHOR, com os dois cordeiros; santos serão ao SENHOR, para o uso do sacerdote.

[20]Cuireadh an sagart i láthair an Tiarna iad mar dhleacht ar leith, mar aon le harán na gcéadtorthaí. Is nithe naofa don Tiarna iadsan agus an dá uan agus fillidís ar an sagart.

[21] No mesmo dia, se proclamará que tereis santa convocação; nenhuma obra servil fareis; é estatuto perpétuo em todas as vossas moradas, pelas vossas gerações.

[22] Quando segardes a messe da vossa terra, não rebuscareis os cantos do vosso campo, nem colhereis as espigas caídas da vossa sega; para o pobre e para o estrangeiro as deixareis. Eu sou o SENHOR, vosso Deus.

[23] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[24] Fala aos filhos de Israel, dizendo: No mês sétimo, ao primeiro do mês, tereis descanso solene, memorial, com sonidos de trombetas, santa convocação.

[25] Nenhuma obra servil fareis, mas trareis oferta queimada ao SENHOR.

O Dia da Expiação

[26] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[27] Mas, aos dez deste mês sétimo, será o Dia da Expiação; tereis santa convocação e afligireis a vossa alma; trareis oferta queimada ao SENHOR.

[28] Nesse mesmo dia, nenhuma obra fareis, porque é o Dia da Expiação, para fazer expiação por vós perante o SENHOR, vosso Deus.

[29] Porque toda alma que, nesse dia, se não afligir será eliminada do seu povo.

[30] Quem, nesse dia, fizer alguma obra, a esse eu destruirei do meio do seu povo.

[31] Nenhuma obra fareis; é estatuto perpétuo pelas vossas gerações, em todas as vossas moradas.

[21]Bíodh comhthionól agaibh an lá céanna sin, comhthionól naofa; ní dhéanfaidh sibh aon saothar trom. Reacht síoraí é seo do bhur sliocht, cibé áit ina mbeidh cónaí oraibh.

[22]Nuair a bhainfidh sibh fómhar bhur bhfearainn, ná bainigí go ceann fearainn ar fad é, agus ná cnuasaigí na diasa tar éis an fhómhair. Fágaigí ag an mbochtán agus ag an deoraí iad. Mise an Tiarna bhur nDia."

[23]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt: "Labhair le clann Iosrael agus abair:

[24]An chéad lá den seachtú mí, bíodh sé ina shaoire shollúnta agaibh, cuimhneachán fógartha ag séideadh an trumpa, comhthionól naofa.

[25]Ná déanaigí obair throm, ach ofrálaigí íobairt loiscthe don Tiarna."

[26]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[27]"An deichiú lá den seachtú mí Lá an Leorghnímh agaibh. Bíodh comhthionól naofa agaibh. Déanaigí troscadh agus ofrálaigí íobairt loiscthe don Tiarna.

[28]Ná déanaigí aon obair an lá sin, óir is é Lá an Leorghnímh é, ina bhfuil gnás an leorghnímh le comhlíonadh ar bhur son i láthair an Tiarna bhur nDia.

[29]Aon duine nach ndéanann troscadh an lá sin, déantar é a ionnarbadh óna phobal;

[30]aon duine a dhéanann obair an lá sin scriosfaidh mé ó lár a phobail é.

[31]Ná déanaigí aon sórt oibre; is reacht síoraí é sin do bhur sliocht, cibé áit ina mbíonn cónaí oraibh.

[32] Sábado de descanso solene vos será; então, afligireis a vossa alma; aos nove do mês, de uma tarde a outra tarde, celebrareis o vosso sábado.

[32]Bíodh sé seo ina shabóid saoire shollúnta agaibh, agus déanaigí troscadh. Tráthnóna an naoú lá den mhí, uaidh sin go dtí an tráthnóna dár gcionn, bíodh sé ina shabóid agaibh."

A Festa dos Tabernáculos

[33] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[33]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[34] Fala aos filhos de Israel, dizendo: Aos quinze dias deste mês sétimo, será a Festa dos Tabernáculos ao SENHOR, por sete dias.

[34]"Labhair le clann Iosrael agus abair leo: An cúigiú lá déag den seachtú mí seo féile na dTaibearnacal don Tiarna, agus maireadh sé seacht lá.

[35] Ao primeiro dia, haverá santa convocação; nenhuma obra servil fareis.

[35]Lá comhthionóil naofa an chéad lá; ná déanaigí aon obair throm an lá sin.

[36] Sete dias oferecereis ofertas queimadas ao SENHOR; ao dia oitavo, tereis santa convocação e oferecereis ofertas queimadas ao SENHOR; é reunião solene, nenhuma obra servil fareis.

[36]Ar feadh seacht lá ofrálaigí íobairtí dóite don Tiarna; ar an ochtú lá bíodh comhthionól naofa agaibh agus déanaigí íobairt dhóite don Tiarna. Ceiliúradh clabhsúir é. Ná déanaigí aon obair throm an lá sin.

[37] São estas as festas fixas do SENHOR, que proclamareis para santas convocações, para oferecer ao SENHOR oferta queimada, holocausto e oferta de manjares, sacrifício e libações, cada qual em seu dia próprio,

[37]Sin iad féilte cinnte an Tiarna atá le fógairt agaibh mar thráthanna tionóil naofa chun íobairtí dóite a ofráil don Tiarna, agus uileloiscthigh agus abhlanna, íobairtí agus ofrálacha dí, de réir ghnás gach lae,

[38] além dos sábados do SENHOR, e das vossas dádivas, e de todos os vossos votos, e de todas as vossas ofertas voluntárias que dareis ao SENHOR.

[38]seachas sabóidí an Tiarna, agus bhur dtabhartais, agus seachas na nofrálacha móide agus deona go léir a dhéanann sibh don Tiarna.

[39] Porém, aos quinze dias do mês sétimo, quando tiverdes recolhido os produtos da terra, celebrareis a festa do SENHOR, por sete dias; ao primeiro dia e também ao oitavo, haverá descanso solene.

[39]Ar an gcúigiú lá déag den seachtú mí, nuair a bheidh torthaí na talún cnuasaithe agaibh, déanaigí féile an Tiarna a cheiliúradh ar feadh seacht lá. Bíodh an chéad lá agus an t-ochtú lá ina lánsaoire.

[40] No primeiro dia, tomareis para vós outros frutos de árvores formosas, ramos

[40]An chéad lá, togaigí torthaí de thogha na gcrann, géaga pailme, craobha crann

de palmeiras, ramos de árvores frondosas e salgueiros de ribeiras; e, por sete dias, vos alegrareis perante o SENHOR, vosso Deus.

duilleach, saileoga an tsrutháin, agus déanaigí lúcháir i láthair an Tiarna bhur nDia ar feadh seacht lá.

41 Celebrareis esta como festa ao SENHOR, por sete dias cada ano; é estatuto perpétuo pelas vossas gerações; no mês sétimo, a celebrareis.

41Déanaigí feile a cheiliúradh don Tiarna ar an gcuma sin ar feadh seacht lá gach bliain. Reacht síoraí é seo do bhur sliocht. Ceiliúraigí í sa seachtú mí.

42 Sete dias habitareis em tendas de ramos; todos os naturais de Israel habitarão em tendas,

42Mairigí faoi scáthláin ar feadh seacht lá; maireadh gach Iosraelach dúchais faoi scáthláin,

43 para que saibam as vossas gerações que eu fiz habitar os filhos de Israel em tendas, quando os tirei da terra do Egito. Eu sou o SENHOR, vosso Deus.

43i dtreo go mba eol do bhur sliocht gur chuir mé d'iallach ar chlann Iosrael maireachtáil faoi scáthláin nua a thug mé amach iad as tír na hÉigipte. Mise an Tiarna, bhur nDia."

44 Assim, declarou Moisés as festas fixas do SENHOR aos filhos de Israel.

44Thug Maois tuairisc ar fhéilte sollúnta an Tiarna do chlann Iosrael ar an gcuma sin.

Levítico 24

O azeite para o candelabro

Êxodo 27.20,21

1 Disse o SENHOR a Moisés:

2 Ordena aos filhos de Israel que te tragam azeite puro de oliveira, batido, para o candelabro, para que haja lâmpada acesa continuamente.

3 Na tenda da congregação fora do véu, que está diante do Testemunho, Arão a conservará em ordem, desde a tarde até pela manhã, de contínuo, perante o SENHOR; estatuto perpétuo será este pelas suas gerações.

4 Sobre o candeeiro de ouro puro conservará em ordem as lâmpadas perante o SENHOR, continuamente.

O pão para a mesa do SENHOR

Léivític 24

Rialacha Breise

1Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

2"Ordaigh do chlann Iosrael ola ghlan ológ a thabhairt chugat don lóchrann chun go mbeadh solas ar lasadh ann i gconaí.

3Lasmuigh de fhial na Fianaise, i mBoth na Teagmhála, bíodh Árón i bhfeighil an tsolais seo. Bíodh sé ar lasadh ansiúd i láthair an Tiarna ó nóin go maidin gan teip. Reacht síoraí é sin do bhur sliocht.

4Coimeádadh Árón na soilse i gcóir ar an gcoinnleoir d'ór glan i láthair an Tiarna i gcónaí.

[5] Também tomarás da flor de farinha e dela cozerás doze pães, cada um dos quais será de duas dízimas de um efa.

[6] E os porás em duas fileiras, seis em cada fileira, sobre a mesa de ouro puro, perante o SENHOR.

[7] Sobre cada fileira porás incenso puro, que será, para o pão, como porção memorial; é oferta queimada ao SENHOR.

[8] Em cada sábado, Arão os porá em ordem perante o SENHOR, continuamente, da parte dos filhos de Israel, por aliança perpétua.

[9] E serão de Arão e de seus filhos, os quais os comerão no lugar santo, porque são coisa santíssima para eles, das ofertas queimadas ao SENHOR, como estatuto perpétuo.

A pena do pecado de blasfêmia

[10] Apareceu entre os filhos de Israel o filho de uma israelita, o qual era filho de um egípcio; o filho da israelita e certo homem israelita contenderam no arraial.

[11] Então, o filho da mulher israelita blasfemou o nome do SENHOR e o amaldiçoou, pelo que o trouxeram a Moisés. O nome de sua mãe era Selomite, filha de Dibri, da tribo de Dã.

[12] E o levaram à prisão, até que se lhes fizesse declaração pela boca do SENHOR.

[13] Disse o SENHOR a Moisés:

[14] Tira o que blasfemou para fora do arraial; e todos os que o ouviram porão as

[5]“Gabh chugat roinnt plúir mhín agus bruith dhá bhairín déag de, dhá dheachú d'éafá i ngach ceann.

[6]Ansin leag iad ina dhá rang, sé cinn an rang, ar an mbord glan atá i láthair an Tiarna.

[7]Cuir túis ghlan le gach rang. Sin é an bia a ofrálfar mar chuimhneachán don Tiarna ina ofráil dhóite.

[8]Cuirtear in ord i láthair an Tiarna iad gach sabóid gan teip; cuireadh clann Iosrael ar fáil iad trí chonradh síoraí.

[9]Bainidís le hÁrón agus lena chlann mhac agus ithidís iad in áit naofa, óir is roinn shárnaofa aige iad d'íobairtí dóite an Tiarna, dleacht síoraí.”

Diamhasladh - Éiric

[10]Bhí fear ann arbh Iosraelach mná a mháthair agus arbh Éigipteach a athair. Tháinig sé óna theach amach agus chuaigh faoin gcampa i measc chlann Iosrael agus chrom sé - mac na hIosraelaí - ar aighneas le hIosraelach sa champa.

[11]Ansin thug mac na hIosraelaí diamhasladh don Ainm agus mhallaigh é. Thugadar go Maois é (Sealomaít iníon Dibrí de threibh Dán ainm a mháthar).

[12]Chuireadar i gcarcair é go nochtfaí toil an Tiarna dóibh.

[13]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[14]“Tabhair an té a rinne an mallú lasmuigh den champa; leagadh gach duine a chuala

mãos sobre a cabeça dele, e toda a congregação o apedrejará.

15 Dirás aos filhos de Israel: Qualquer que amaldiçoar o seu Deus levará sobre si o seu pecado.

16 Aquele que blasfemar o nome do SENHOR será morto; toda a congregação o apedrejará; tanto o estrangeiro como o natural, blasfemando o nome do SENHOR, será morto.

17 Quem matar alguém será morto.

18 Mas quem matar um animal o restituirá: igual por igual.

19 Se alguém causar defeito em seu próximo, como ele fez, assim lhe será feito:

20 fratura por fratura, olho por olho, dente por dente; como ele tiver desfigurado a algum homem, assim se lhe fará.

21 Quem matar um animal restituirá outro; quem matar um homem será morto.

22 Uma e a mesma lei havereis, tanto para o estrangeiro como para o natural; pois eu sou o SENHOR, vosso Deus.

23 Então, falou Moisés aos filhos de Israel que levassem o que tinha blasfemado para fora do arraial e o apedrejassem; e os filhos de Israel fizeram como o SENHOR ordenara a Moisés.

Levítico 25

O Ano de Descanso

é a lámh ar a cheann, agus gabhadh an comhthionól go léir de chlocha ann.

15Ansin abair le clann Iosrael: Aon duine a mhallaíonn a Dhia, iompraíodh sé ualach a pheaca.

16An té a dhiamhaslaíonn ainm an Tiarna ní foláir dó bás a fháil; caithfidh an comhthionól uile gabháil de chlocha ann. Cibé acu dúchasach nó deoraí é, má mhaslaíonn sé an tAinm, cuirtear chun báis é.

17An té a mharaíonn duine, cuirtear chun báis é.

18An té a mharaíonn ainmhí, déanadh sé cúiteamh ann; anam ar anam.

19Má dhéanann duine a chomharsa a leonadh, déantar leis a ndearna sé,

20briseadh ar bhriseadh, súil ar shúil, fiacail ar fhiacail. Déantar ciorrú air dála an chiorraithe a rinne sé.

21An té a mharaíonn ainmhí, déanadh sé cúiteamh ann; agus an té a mharaíonn duine, cuirtear chun báis é.

22Bíodh an t-aon bhreith agaibh ar dhúchasach agus ar dheoraí; óir is mise an Tiarna bhur nDia."

23Nuair a bhí an méid sin ráite ag Maois le clann Iosrael, thugadar an té a rinne an mallú as an gcampa amach agus ghabhadar de chlocha ann. Rinne clann Iosrael mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois ar an gcuma sin.

Léivític 25

Na Blianta Naofa

Êxodo 23.10,11

[1] Disse o SENHOR a Moisés, no monte Sinai:

[2] Fala aos filhos de Israel e dize-lhes: Quando entrardes na terra, que vos dou, então, a terra guardará um sábado ao SENHOR.

[3] Seis anos semearás o teu campo, e seis anos podarás a tua vinha, e colherás os seus frutos.

[4] Porém, no sétimo ano, haverá sábado de descanso solene para a terra, um sábado ao SENHOR; não semearás o teu campo, nem podarás a tua vinha.

[5] O que nascer de si mesmo na tua seara não segarás e as uvas da tua vinha não podada não colherás; ano de descanso solene será para a terra.

[6] Mas os frutos da terra em descanso vos serão por alimento, a ti, e ao teu servo, e à tua serva, e ao teu jornaleiro, e ao estrangeiro que peregrina contigo;

[7] e ao teu gado, e aos animais que estão na tua terra, todo o seu produto será por mantimento.

O Ano do Jubileu

[8] Contarás sete semanas de anos, sete vezes sete anos, de maneira que os dias das sete semanas de anos te serão quarenta e nove anos.

[9] Então, no mês sétimo, aos dez do mês, farás passar a trombeta vibrante; no Dia da Expiação, fareis passar a trombeta por toda a vossa terra.

[10] Santificareis o ano qüinquagésimo e proclamareis liberdade na terra a todos os

[1]Labhair an Tiarna le Maois ar Shliabh Shíonái, agus dúirt:

[2]“Labhair le clann Iosrael agus abair leo: Nuair a rachaidh sibh isteach san fhearann atá á thabhairt agam daoibh, bíodh sabóid sosa ag an bhfearann don Tiarna.

[3]Cuir síol i d'ithir ar feadh sé bliana, agus bearr d'fhiniúin agus cnuasaigh a toradh.

[4]Ach an seachtú bliain, bíodh sabóid shollúnta sosa, sabóid don Tiarna, ag d'fhearann; ná cuir d'ithir, agus ná bearr d'fhiniúin,

[5]ná bain fómhar dá bhfásfaidh uaidh féin, agus ná cnuasaigh caora de d'fhiniúin gan bearradh. Bíodh sí ina bliain sosa ag an bhfearann.

[6]Beidh sabóid an fhearainn féin ina cothú agat féin agus ag do dhaoir, idir fhir agus mhná, ag do fhear tuarastail, agus ag an deoraí a chónaíonn leat.

[7]Bíodh a fómhar go léir mar chothú ag d'eallach chomh maith agus ag an stoc ar do thalamh.

[8]Comhair seacht seachtaine de bhlianta, sé sin aga seacht faoi sheacht de bhlianta; naoi mbliana agus daichead a bheidh sna seacht seachtaine de bhlianta.

[9]Ar an deichiú lá den seachtú mí cuir an trumpa á shéideadh; ar Lá an Leorghnímh cuirigí an trumpa á shéideadh ar fud na críche.

[10]Fogair an leathchéadú bliain naofa, agus fógraigí saoirse do lucht áitribh na tíre go

seus moradores; ano de jubileu vos será, e tornareis, cada um à sua possessão, e cada um à sua família.

11 O ano qüinquagésimo vos será jubileu; não semeareis, nem segareis o que nele nascer de si mesmo, nem nele colhereis as uvas das vinhas não podadas.

12 Porque é jubileu, santo será para vós outros; o produto do campo comereis.

13 Neste Ano do Jubileu, tornareis cada um à sua possessão.

14 Quando venderes alguma coisa ao teu próximo ou a comprares da mão do teu próximo, não oprimas teu irmão.

15 Segundo o número dos anos desde o Jubileu, comprarás de teu próximo; e, segundo o número dos anos das messes, ele venderá a ti.

16 Sendo muitos os anos, aumentarás o preço e, sendo poucos, abaixarás o preço; porque ele te vende o número das messes.

17 Não oprimais ao vosso próximo; cada um, porém, tema a seu Deus; porque eu sou o SENHOR, vosso Deus.

18 Observai os meus estatutos, guardai os meus juízos e cumpri-os; assim, habitareis seguros na terra.

19 A terra dará o seu fruto, e comereis a fartar e nela habitareis seguros.

léir; bíodh sí seo ina bliain iubhaile agaibh; filleadh gach duine agaibh ar a dhúchas, gach duine ar a mhuintir féin.

11Bíodh an leathchéadú bliain sin ina bliain iubhaile agaibh; ná cuirigí síol, ná bainigí fómhar dá bhfásfaidh uaidh féin, agus ná cnuasaigh caora d'fhiniúin gan bearradh.

12Bíodh an iubhaile naofa agaibh agus caithigí cnuas an mhachaire.

13I mbliain seo na hiubhaile filleadh gach duine agaibh ar a shealúchas dúchais.

14Má dhéanann tú aon rud a dhíol le do chomharsa nó a cheannach uaidh, ná sáraigh an fear thall.

15Má dhéanann tú ceannach ó do chomharsa, cuirtear san áireamh líon na mblianta ón iubhaile; de réir líon na mblianta toraidh, déanadh sé an margadh leat.

16Dá mhéad é líon na mblianta, is ea is mó an praghas a thabharfaidh tú; dá laghad é líon na mblianta is ea is mó an lascaine; óir is líon áirithe fómhar atá á ndíol aige.

17Ná déanadh aon duine agaibh éagóir ar a chomharsa, ach bíodh eagla oraibh roimh bhur nDia. Mise an Tiarna bhur nDia.

18Déanaigí dá bhrí sin de réir mo dhlíthe agus coimeádaigí mo reachtanna; agus cleachtaigí iad, agus beidh seilbh agaibh ar bhur bhfearann beag beann ar chách.

19Tabharfaidh an talamh a thoradh uaidh, agus íosfaidh sibh bhur sáith agus beidh

seilbh agaibh ar bhur bhfearann beag beann ar chách.

[20] Se disserdes: Que comeremos no ano sétimo, visto que não havemos de semear, nem colher a nossa messe?

[20]Sa chás go bhfiafródh sibh cad a íosfaimid an seachtú bliain seo gan síol a chur ná fómhar a bhailiú,

[21] Então, eu vos darei a minha bênção no sexto ano, para que dê fruto por três anos.

[21]d'ordaigh mé mo rath a bheith oraibh sa séú bliain i gconaí i dtreo go mbeadh dóthain trí bliana de thoradh inti.

[22] No oitavo ano, semeareis e comereis da colheita anterior até ao ano nono; até que venha a sua messe, comereis da antiga.

[22]Beidh an seantoradh fós á ithe agaibh agus sibh ag cur san ochtú bliain; sea agus beidh an seantoradh á ithe agaibh fós sa naoú bliain agus sibh ag feitheamh le fómhar na bliana sin.

Seilbh na Talún

[23] Também a terra não se venderá em perpetuidade, porque a terra é minha; pois vós sois para mim estrangeiros e peregrinos.

[23]Ná díoltar an talamh amach go deo, óir is liomsa an talamh agus níl ionaibhse ach lucht deoraíochta agus aíochta agamsa.

[24] Portanto, em toda a terra da vossa possessão dareis resgate à terra.

[24]An talamh go léir in bhur seilbh, beidh ceart fuascailte air.

[25] Se teu irmão empobrecer e vender alguma parte das suas possessões, então, virá o seu resgatador, seu parente, e resgatará o que seu irmão vendeu.

[25]Má luíonn an bochtanas ar do dhearthháir agus go gcaitheann sé a oidhreacht a dhíol, tagadh an gaol is gaire dó chuige agus déanadh sé a mbíonn díolta ag a dhearthháir a fhuascailt.

[26] Se alguém não tiver resgatador, porém vier a tornar-se próspero e achar o bastante com que a remir,

[26]Mura mbíonn fear a fhuascailte aige, ach go dtagann speilp air féin, agus go mbíonn sás a fhuascailte aige,

[27] então, contará os anos desde a sua venda, e o que ficar restituirá ao homem a quem vendeu, e tornará à sua possessão.

[27]déanadh sé líon na mblianta den díshealbhú a bhíonn gan caitheamh aige a áireamh, agus an tsuim ar son an fhaid a bhíonn le dul a íoc leis an té a cheannaigh, agus a shealúchas a fháil ar ais ar an gcaoi sin.

[28] Mas, se as suas posses não lhe permitirem reavê-la, então, a que for

[28]Ach mura mbíonn go leor maoine aige chun é a fháil ar ais uaidh féin, ansin

vendida ficará na mão do comprador até ao Ano do Jubileu; porém, no Ano do Jubileu, sairá do poder deste, e aquele tornará à sua possessão.

fanadh a mbíonn díolta aige i seilbh an té a cheannaigh go bliain na hiubhaile; i mbliain na hiubhaile ní foláir dósan é a scaoileadh agus fillfeadh sé siúd ar a shealúchas.

[29] Quando alguém vender uma casa de moradia em cidade murada, poderá resgatá-la dentro de um ano a contar de sua venda; durante um ano, será lícito o seu resgate.

[29]Má dhíolann duine teach cónaithe i gcathair chaisil, beidh ceart fuascailte aige air go ceann bliana tar éis é a dhíol. Ní mhairfidh a cheart fuascailte thar bhliain.

[30] Se, passando-se-lhe um ano, não for resgatada, então, a casa que estiver na cidade que tem muro ficará em perpetuidade ao que a comprou, pelas suas gerações; não sairá do poder dele no Jubileu.

[30]Mura bhfuasclaítear é laistigh de bhliain slán, bíodh an teach seo sa chaiseal de sheilbh dhílis shíoraí ag an té a cheannaigh agus ag a shliocht; ní scaoilfear leis sa iubhaile.

[31] Mas as casas das aldeias que não têm muro em roda serão estimadas como os campos da terra; para elas haverá resgate, e sairão do poder do comprador no Jubileu.

[31]Ach na tithe sna sráidbhailte gan caiseal umpu, áirítear iad le talamh na dúiche timpeall; bainfidh ceart fuascailte leo agus ní foláir don té a cheannaigh scaoileadh leo sa iubhaile.

[32] Mas, com respeito às cidades dos levitas, às casas das cidades da sua possessão, terão direito perpétuo de resgate os levitas.

[32]Ach maidir le cathracha na Léivíteach, beidh ceart fuascailte acu chun aon sealúchais leo sna cathracha go brách.

[33] Se o levita não resgatar a casa que vendeu, então, a casa comprada na cidade da sua possessão sairá do poder do comprador, no Jubileu; porque as casas das cidades dos levitas são a sua possessão no meio dos filhos de Israel.

[33]Mura gcuireann Léivíteach a cheart fuascailte i bhfeidhm, tagadh an ceannaitheoir amach sa iubhaile as an teach a díoladh agus filleadh sé ar a theach féin, ar an mbaile ina bhfuil ceart seilbhe aige. Óir na tithe i gcathracha na Léivíteach is leo iad i measc chlann Iosrael.

[34] Mas o campo no arrabalde das suas cidades não se venderá, porque lhes é possessão perpétua.

Leis a favor dos pobres
Deuteronômio 15.7-11

[35] Se teu irmão empobrecer, e as suas forças decaírem, então, sustentá-lo-ás. Como estrangeiro e peregrino ele viverá contigo.

[36] Não receberás dele juros nem ganho; teme, porém, ao teu Deus, para que teu irmão viva contigo.

[37] Não lhe darás teu dinheiro com juros, nem lhe darás o teu mantimento por causa de lucro.

[38] Eu sou o SENHOR, vosso Deus, que vos tirei da terra do Egito, para vos dar a terra de Canaã e para ser o vosso Deus.

Leis a favor dos escravos

[39] Também se teu irmão empobrecer, estando ele contigo, e vender-se a ti, não o farás servir como escravo.

[40] Como jornaleiro e peregrino estará contigo; até ao Ano do Jubileu te servirá;

[41] então, sairá de tua casa, ele e seus filhos com ele, e tornará à sua família e à possessão de seus pais.

[42] Porque são meus servos, que tirei da terra do Egito; não serão vendidos como escravos.

[43] Não te assenhorearás dele com tirania; teme, porém, ao teu Deus.

[34]Agus an talamh beatha coimín timpeall ar na cathracha seo, ní féidir é a dhíol mar is leo é go brách.

Iasacht agus Saoirse

[35]Má éiríonn do bhráthair atá farat dealbh, agus nach féidir leis é féin a chothú farat, ní foláir duit é a chothú mar a dhéanfá deoraí nó aoi, agus maireadh sé fós farat.

[36]Ná héiligh ús ná ioncamas uaidh; bíodh eagla do Dhé ort agus lig do do dheartháir maireachtáil farat.

[37]Ná tabhair iasacht airgid ar ús dó, agus ná tabhair bia dó ag súil le breis.

[38]Mise an Tiarna bhur nDia a thug amach sibh as tír na hÉigipte chun talamh Chanán a thabhairt daoibh agus a bheith i mo Dhia agaibh.

[39]Má éiríonn do bhráthair taobh leat dealbh agus é féin a dhíol leat, ná leag saothar daoir air.

[40]Bíodh sé amhail fear tuarastail nó deoraí agat, agus oibríodh sé duit go bliain na hiubhaile.

[41]Ansin imíodh sé uait, é féin agus a chlann agus filleadh sé ar a mhuintir féin agus gabhadh sé seilbh arís ar a mhaoin dhúchais.

[42]Óir is searbhóntaí liomsa iadsan agus thugas ón Éigipt amach iad agus níl siad le reic mar dhaoir.

[43]Ná bí i do mháistir dian air, ach bíodh eagla do Dhé ort.

44 Quanto aos escravos ou escravas que tiverdes, virão das nações ao vosso derredor; delas comprareis escravos e escravas.

45 Também os comprareis dos filhos dos forasteiros que peregrinam entre vós, deles e das suas famílias que estiverem convosco, que nasceram na vossa terra; e vos serão por possessão.

46 Deixá-los-eis por herança para vossos filhos depois de vós, para os haverem como possessão; perpetuamente os fareis servir, mas sobre vossos irmãos, os filhos de Israel, não vos assenhoreareis com tirania, um sobre os outros.

47 Quando o estrangeiro ou peregrino que está contigo se tornar rico, e teu irmão junto dele empobrecer e vender-se ao estrangeiro, ou peregrino que está contigo, ou a alguém da família do estrangeiro,

48 depois de haver-se vendido, haverá ainda resgate para ele; um de seus irmãos poderá resgatá-lo:

49 seu tio ou primo o resgatará; ou um dos seus, parente da sua família, o resgatará; ou, se lograr meios, se resgatará a si mesmo.

50 Com aquele que o comprou acertará contas desde o ano em que se vendeu a ele até ao Ano do Jubileu; o preço da sua venda será segundo o número dos anos, conforme se paga a um jornaleiro.

44Maidir leis na daoir idir fhir is mhná a bheidh agat, tagaidís ó na cinícha i do thimpeall; ceannaigh daoir agus daoirseacha uathusan.

45Ní miste daoibh chomh maith iad a cheannach ó i measc na gcoimhthíoch a chónaíonn in bhur measc agus óna gclann a chonaíonn in bhur measc agus a saolaíodh ar bhur dtailte. Bíodh seilbh agaibh orthusan.

46Ní miste daoibh iad a fhágáil le huacht ag bhur gclann mhac in bhur ndiaidh le bheith ina seilbh go brách. Bídís-sean mar dhaoir agaibh, ach ná bígí in bhur máistrí diana ar bhur mbráithre, clann Iosrael.

47Má éiríonn coimhthíoch nó deoraí in bhur measc saibhir agus bhur mbráthair taobh leis a fháil dealbh agus é féin a reic leis siúd, leis an gcoimhthíoch nó leis an deoraí in bhur measc nó le duine dá mhuintir siúd,

48tar éis a reaca beidh ceart fuascailte aige agus féadann bráthair leis é a fhuascailt.

49Is féidir do dheartháir a athar, do mhac dearthár a athar, nó do dhuine dá mhuintir féin é a fhuascailt; má thagann speilp air féin, is féidir dó é féin a fhuascailt.

50I gcomhairle le fear a cheannaithe, déanadh sé líon na mblianta ó bhliain a dhíolta go bliain na hiubhaile a áireamh; ní foláir méid na táille fuascailte a mheas de réir líon sin na mblianta; déantar an

t-am a bhíonn tugtha aige dá mháistir a thomhas de réir tuarastal fostaí.

[51] Se ainda faltarem muitos anos, devolverá proporcionalmente a eles, do dinheiro pelo qual foi comprado, o preço do seu resgate.

[51]Má bhíonn a lán blianta le dul fós, ansin ní foláir dó, de réir líon na mblianta, cuid dá phraghas reaca a aisíoc ar son a fhuascailte.

[52] Se restarem poucos anos até ao Ano do Jubileu, então, fará contas com ele e pagará, em proporção aos anos restantes, o preço do seu resgate.

[52]Mura mbíonn ach an beagán blianta le dul go dtí bliain na hiubhaile, ní foláir dó táille a fhuascailte a mheas leis de réir líon na mblianta seirbhíse atá dlite uaidh.

[53] Como jornaleiro, de ano em ano, estará com ele; não se assenhoreará dele com tirania à tua vista.

[53]Déantar an meastachán amhail is dá mba fhear ar tuarastal é ó bhliain go bliain. Féach chuige nach mbítear dian ar an bhfear.

[54] Se desta sorte se não resgatar, sairá no Ano do Jubileu, ele e seus filhos com ele.

[54]Mura ndéantar é a fhuascailt ar aon slí díobh sin scaoiltear saor é i mbliain na hiubhaile, é féin agus a chlann in éineacht leis.

[55] Porque os filhos de Israel me são servos; meus servos são eles, os quais tirei da terra do Egito. Eu sou o SENHOR, vosso Deus.

[55]Óir is searbhóntaí liomsa clann seo Iosrael; is searbhóntaí iad a thug mé amach as tír na hÉigipte. Mise an Tiarna bhur nDia.

Levítico 26

Admoestação contra a idolatria

[1] Não fareis para vós outros ídolos, nem vos levantareis imagem de escultura nem coluna, nem poreis pedra com figuras na vossa terra, para vos inclinardes a ela; porque eu sou o SENHOR, vosso Deus.

[2] Guardareis os meus sábados e reverenciareis o meu santuário. Eu sou o SENHOR.

Bênçãos decorrentes da obediência

Deuteronômio 7.12-24; 28.1-14

Léivític 26

Dúnadh

[1]Ná déanaigí aon íola daoibh féin agus ná cuirigí aon dealbh shnoite ina seasamh, ná aon ghallán; ná cuirigí aon chloch ghreanta ina seasamh in bhur gcríocha le sléachtadh roimpi: óir is mise an Tiarna do Dhia.

[2]Coimeádaigí mo shabóidí agus tugaigí onóir do mo shanctóir. Mise an Tiarna.

Beannachtaí

[3] Se andardes nos meus estatutos, guardardes os meus mandamentos e os cumprirdes,

[4] então, eu vos darei as vossas chuvas a seu tempo; e a terra dará a sua messe, e a árvore do campo, o seu fruto.

[5] A debulha se estenderá até à vindima, e a vindima, até à sementeira; comereis o vosso pão a fartar e habitareis seguros na vossa terra.

[6] Estabelecerei paz na terra; deitar-vos-eis, e não haverá quem vos espante; farei cessar os animais nocivos da terra, e pela vossa terra não passará espada.

[7] Perseguireis os vossos inimigos, e cairão à espada diante de vós.

[8] Cinco de vós perseguirão a cem, e cem dentre vós perseguirão a dez mil; e os vossos inimigos cairão à espada diante de vós.

[9] Para vós outros olharei, e vos farei fecundos, e vos multiplicarei, e confirmarei a minha aliança convosco.

[10] Comereis o velho da colheita anterior e, para dar lugar ao novo, tirareis fora o velho.

[11] Porei o meu tabernáculo no meio de vós, e a minha alma não vos aborrecerá.

[12] Andarei entre vós e serei o vosso Deus, e vós sereis o meu povo.

[3]Má mhaireann tú de réir mo dhlíthe, agus má choimeádann tú m'aitheanta agus iad a chomhlíonadh,

[4]tabharfaidh mé an fhearthainn is gá daoibh in am agus i dtráth; tabharfaidh an talamh a thoradh uaidh agus crainn an mhachaire a gcnuas.

[5]Mairfidh bualadh bhur n-arbhair go fómhar an fhíona; mairfidh fómhar an fhíona go cur an tsíl. Íosfaidh sibh bhur sáith aráin, agus mairfidh sibh in bhur dtír beag beann ar chách.

[6]Tabharfaidh mé síocháin in bhur dtír, agus beidh codladh agaibh gan baol ó aon duine. Cuirfidh mé an ruaig ar ainmhithe allta as an tír; ní ghabhfaidh an claíomh thar bhur dtír.

[7]Rachaidh sibh sa tóir ar bhur naimhde agus titfidh siad de rinn bhur gclaímh.

[8]Rachaidh cúigear agaibh sa tóir ar chéad agus céad agaibh sa tóir ar dheich míle; agus titfidh bhur naimhde de rinn bhur gclaímh.

[9]Cuirfidh mé spéis ionaibh agus déanfaidh mé rathúil líonmhar sibh agus daingneoidh mé mo chonradh libh.

[10]Íosfaidh sibh bhur sáith d'fhómhar na bliana caite agus caithfidh sibh an sean amach chun slí a dhéanamh don nua.

[11]Cuirfidh mé suas mo bhoth in bhur measc, agus ní bheidh an ghráin agam oraibh.

[12]Mairfidh mé in bhur measc; beidh mé i mo Dhia agaibh, agus beidh sibh mar phobal agam.

[13] Eu sou o SENHOR, vosso Deus, que vos tirei da terra do Egito, para que não fôsseis seus escravos; quebrei os timões do vosso jugo e vos fiz andar eretos.

[13]Mise an Tiarna bhur nDia a thug sibh amach as talamh na hÉigipte d'fhonn nach mbeadh sibh in bhur ndaoir acu a thuilleadh. Bhris mé an chuing lenar ceanglaíodh sibh, agus d'fhág mé ag siúl ceannard sibh.

Os castigos da desobediência
Deuteronômio 28.15-68

Mallachtaí

[14] Mas, se me não ouvirdes e não cumprirdes todos estes mandamentos;

[14]Mura n-éisteann sibh liom, agus gach ceann de na haitheanta seo a chomhlíonadh,

[15] se rejeitardes os meus estatutos, e a vossa alma se aborrecer dos meus juízos, a ponto de não cumprir todos os meus mandamentos, e violardes a minha aliança,

[15]má dhiúltaíonn sibh do mo dhlíthe agus más beag oraibh mo reachtanna, agus má bhriseann sibh mo chonradh trí fhaillí a dheanamh i m'aitheanta,

[16] então, eu vos farei isto: porei sobre vós terror, a tísica e a febre ardente, que fazem desaparecer o lustre dos olhos e definhar a vida; e semeareis debalde a vossa semente, porque os vossos inimigos a comerão.

[16]ansin is mar seo a dhéanfaidh mé libh. Scaoilfidh mé uafás tobann oraibh, díth agus fiabhras a chnaíonn na súile agus a thraochann anáil na beatha. Cuirfidh sibh síol in aisce, óir is iad bhur naimhde a íosfaidh é.

[17] Voltar-me-ei contra vós outros, e sereis feridos diante de vossos inimigos; os que vos aborrecerem assenhorear-se-ão de vós e fugireis, sem ninguém vos perseguir.

[17]Iompóidh mé oraibh agus buafaidh bhur naimhde oraibh. Beidh ceannas ag bhur n-eascairde oraibh, agus teithfidh sibh gan aon duine sa tóir oraibh.

[18] Se ainda assim com isto não me ouvirdes, tornarei a castigar-vos sete vezes mais por causa dos vossos pecados.

[18]Mura n-éisteann sibh liom dá ainneoin sin, déanfaidh mé sibh a phionósú arís faoi sheacht de bharr bhur bpeacaí.

[19] Quebrantarei a soberba da vossa força e vos farei que os céus sejam como ferro e a vossa terra, como bronze.

[19]Brisfidh mé bhur neart uabhair; fágfaidh mé bhur spéir ina iarann agaibh agus bhur dtalamh ina phrás.

[20] Debalde se gastará a vossa força; a vossa terra não dará a sua messe, e as árvores da terra não darão o seu fruto.

[20]Meilfidh sibh bhur neart in aisce; ní thabharfaidh bhur dtalamh a thoradh uaidh, ná bhur gcrainn a gcnuas.

[21] E, se andardes contrariamente para comigo e não me quiserdes ouvir, trarei sobre vós pragas sete vezes mais, segundo os vossos pecados.

[22] Porque enviarei para o meio de vós as feras do campo, as quais vos desfilharão, e acabarão com o vosso gado, e vos reduzirão a poucos; e os vossos caminhos se tornarão desertos.

[23] Se ainda com isto não vos corrigirdes para volverdes a mim, porém andardes contrariamente comigo,

[24] eu também serei contrário a vós outros e eu mesmo vos ferirei sete vezes mais por causa dos vossos pecados.

[25] Trarei sobre vós a espada vingadora da minha aliança; e, então, quando vos ajuntardes nas vossas cidades, enviarei a peste para o meio de vós, e sereis entregues na mão do inimigo.

[26] Quando eu vos tirar o sustento do pão, dez mulheres cozerão o vosso pão num só forno e vo-lo entregarão por peso; comereis, porém não vos fartareis.

[27] Se ainda com isto me não ouvirdes e andardes contrariamente comigo,

[28] eu também, com furor, serei contrário a vós outros e vos castigarei sete vezes mais por causa dos vossos pecados.

[29] Comereis a carne de vossos filhos e de vossas filhas.

[21]Má chuireann sibh i m'aghaidh agus gan éisteacht liom, leagfaidh mé na plánna sin oraibh mar phionós faoi sheacht de bharr bhur bpeacaí.

[22]Scaoilfidh mé ainmhithe allta fúibh, agus déanfaidh siad slad ar bhur leanaí agus creach ar bhur n-eallach agus díothú ar bhur líon nó go mbeidh bhur mbóithre tréigthe.

[23]Mura ndéanann an méid sin sibh a iompú ar ais chugam, ach go mbíonn sibh fós ag cur i m'aghaidh,

[24]cuirfidh mise chomh maith mé féin in bhur n-aghaidhne, agus buailfidh mé le pionós faoi sheacht sibh de bharr bhur bpeacaí.

[25]Seolfaidh mé an claíomh in bhur n-aghaidh ag díolt an chonartha; má chruinníonn sibh ar scáth a chéile in bhur gcathracha, seolfaidh mé plá in bhur measc agus tabharfar ar láimh do bhur naimhde sibh.

[26]Brisfidh mé bhur dteannta aráin agus beidh deichniúr ban chun arán a bhruith san aon oigheann; dáilfidh siad an t-arán sin ina thomhaisíní, agus íosfaidh sibh é ach beidh ocras tar éis altaithe oraibh.

[27]Agus mura n-éisteann sibh liom dá ainneoin sin, ach cur i m'aghaidh,

[28]cuirfidh mé in bhur n-aghaidh le fraoch feirge, agus leagfaidh mé pionós faoi sheacht oraibh de bharr bhur bpeacaí.

[29]Íosfaidh sibh feoil bhur mac féin agus íosfaidh sibh feoil bhur n-iníonacha féin.

[30] Destruirei os vossos altos, e desfarei as vossas imagens do sol, e lançarei o vosso cadáver sobre o cadáver dos vossos deuses; a minha alma se aborrecerá de vós.

[31] Reduzirei as vossas cidades a deserto, e assolarei os vossos santuários, e não aspirarei o vosso aroma agradável.

[32] Assolarei a terra, e se espantarão disso os vossos inimigos que nela morarem.

[33] Espalhar-vos-ei por entre as nações e desembainharei a espada atrás de vós; a vossa terra será assolada, e as vossas cidades serão desertas.

[34] Então, a terra folgará nos seus sábados, todos os dias da sua assolação, e vós estareis na terra dos vossos inimigos; nesse tempo, a terra descansará e folgará nos seus sábados.

[35] Todos os dias da assolação descansará, porque não descansou nos vossos sábados, quando habitáveis nela.

[36] Quanto aos que de vós ficarem, eu lhes meterei no coração tal ansiedade, nas terras dos seus inimigos, que o ruído de uma folha movida os perseguirá; fugirão como quem foge da espada; e cairão sem ninguém os perseguir.

[37] Cairão uns sobre os outros como diante da espada, sem ninguém os perseguir; não podereis levantar-vos diante dos vossos inimigos.

[30]Scriosfaidh mé bhur n-áiteanna arda agus smiotfaidh mé bhur n-altóirí túise. Déanfaidh mé carnáil bhur marbh a chaitheamh ar charnáil bhur n-íol marbh; beidh an ghráin ag m'anam oraibh.

[31]Fágfaidh mé bhur gcathracha ina bhfothracha; scartálfaidh mé bhur sanctóirí; ní bholóidh mé cumhracht libh a thaitneoidh liom.

[32]Scriosfaidh mise, sea mise féin, an talamh i dtreo go gcuirfidh sé alltacht ar bhur naimhde a chuirfidh fúthu ann.

[33]Scaipfidh mé sibh i measc na gciníocha agus nochtfaidh mé an claíomh ar bhur sála; millfear bhur gcríocha agus déanfar fásach de bhur gcathracha.

[34]Beidh a shabóidí ag bhur bhfearann ansin gan amhras agus é bánaithe agus sibhse i gcríocha bhur naimhde. Beidh suaimhneas agus sabóidí ansin gan amhras ag an bhfearann.

[35]Fad a fhágfar bánaithe é, beidh suaimhneas aige, rud nach raibh aige le linn bhur sabóidíse nuair a bhí cónaí oraibh ann.

[36]Maidir leo siúd a fhágfar, seolfaidh mé lagar isteach ina gcroí i gcríocha a naimhde; cuirfidh siosarnach duilleoige le gaoth an teitheadh orthu agus teithfidh siad mar a theithfeadh duine ón gclaíomh; titfidh siad gan fear ar a dtóir.

[37]Titfidh siad muin mairc a chéile faoi mar bheidís ag teitheadh ó chlaíomh, ach gan aon tóir orthu. Ní bheidh sé de chumas

ionaibh seasamh in aghaidh bhur naimhde.

38 Perecereis entre as nações, e a terra dos vossos inimigos vos consumirá.

38Scriosfar sibh i measc na gciníocha agus slogfaidh críocha bhur naimhde sibh.

39 Aqueles que dentre vós ficarem serão consumidos pela sua iniqüidade nas terras dos vossos inimigos e pela iniqüidade de seus pais com eles serão consumidos.

39A mbeidh fágtha díbh, seargfaidh siad i gcríocha a naimhde de bharr a bpeacaí; de bharr peacaí a n-aithreacha chomh maith, seargfaidh siad ar aon dul leo.

40 Mas, se confessarem a sua iniqüidade e a iniqüidade de seus pais, na infidelidade que cometeram contra mim, como também confessarem que andaram contrariamente para comigo,

40Ach má admhaíonn siad a bpeacaí agus peacaí a n-aithreacha trína ndearnadar feall i m'aghaidh, sea agus trínar chuireadar i mo choinne,

41 pelo que também fui contrário a eles e os fiz entrar na terra dos seus inimigos; se o seu coração incircunciso se humilhar, e tomarem eles por bem o castigo da sua iniqüidade,

41i dtreo gur chuir mise ina gcoinnesean agus gur sheol mé iad i dtír a naimhde, agus má umhlaítear a gcroí gan timpeallghearradh, agus go ndéanann siad leorghníomh ar son a bpeacaí,

42 então, me lembrarei da minha aliança com Jacó, e também da minha aliança com Isaque, e também da minha aliança com Abraão, e da terra me lembrarei.

42ansin cuimhneoidh mé ar mo chonradh le Iacób, agus ar mo chonradh le hÍosác, agus ar mo chonradh le hAbrahám; agus cuimhneoidh mé ar an tír.

43 Mas a terra na sua assolação, deixada por eles, folgará nos seus sábados; e tomarão eles por bem o castigo da sua iniqüidade, visto que rejeitaram os meus juízos e a sua alma se aborreceu dos meus estatutos.

43Arna thréigean acusan, coimeádfaidh an talamh a shabóidí agus é bánaithe gan iad. Ach ní foláir dóibh leorghníomh a dhéanamh ina bpeaca, ó ba bheag orthu mo reachtanna agus ba fhuath leo mo dhlíthe.

44 Mesmo assim, estando eles na terra dos seus inimigos, não os rejeitarei, nem me aborrecerei deles, para consumi-los e invalidar a minha aliança com eles, porque eu sou o SENHOR, seu Deus.

44Ní bheidh deireadh déanta, áfach. Nuair a bheidh siad i dtír a naimhde, ní thabharfaidh mé cúl leo ná ní bheidh an ghráin agam orthu i slí is go scriosfainn ar fad iad agus go mbrisfinn mo chonradh leo; óir is mise an Tiarna a nDia.

[45] Antes, por amor deles, me lembrarei da aliança com os seus antepassados, que tirei da terra do Egito à vista das nações, para lhes ser por Deus. Eu sou o SENHOR.

[46] São estes os estatutos, juízos e leis que deu o SENHOR entre si e os filhos de Israel, no monte Sinai, pela mão de Moisés.

[45]Cuimhneoidh mé, ar a son, ar an gconradh a rinne mé lena sinsir a thug mé amach ó thír na hÉigipte os comhair na gciníocha d'fhonn go mbeinn i mo Dhia acu, mise, an Tiarna."

[46]Seo iad na reachtanna, na gnásanna, na dlíthe a bhunaigh an Tiarna idir é féin agus clann Iosrael ar Shliabh Shíonái trí láimh Mhaois.

Levítico 27

Votos particulares e a avaliação deles

[1] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[2] Fala aos filhos de Israel e dize-lhes: Quando alguém fizer voto com respeito a pessoas, estas serão do SENHOR, segundo a tua avaliação.

[3] Se o objeto da tua avaliação for homem, da idade de vinte anos até à de sessenta, será a tua avaliação de cinqüenta siclos de prata, segundo o siclo do santuário.

[4] Porém, se for mulher, a tua avaliação será de trinta siclos.

[5] Se a idade for de cinco anos até vinte, a tua avaliação do homem será de vinte siclos, e a da mulher, de dez siclos.

[6] Se a idade for de um mês até cinco anos, a tua avaliação do homem será de cinco siclos de prata, e a tua avaliação pela mulher será de três siclos de prata.

[7] De sessenta anos para cima, se for homem, a tua avaliação será de quinze siclos; se mulher, dez siclos.

[8] Mas, se for mais pobre do que a tua avaliação, então, apresentar-se-á diante do sacerdote, para que este o avalie;

Léivític 27

Cánacha agus Luacháil

[1]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[2]"Labhair le clann Iosrael agus abair leo: Nuair a mhóidíonn duine luach pearsan don Tiarna agus gur mian leis a mhóid a chomhlíonadh,

[3]ansin bíodh leathchéad seicil airgid - seicil an tsanctóra is é sin - mar luach agat ar fhear idir fiche agus trí fichid bliain;

[4]bíodh deich seicil fichead mar luach agat ar bhean;

[5]bíodh fiche seicil mar luach agat ar bhuachaill idir cúig agus fiche bliain, agus deich seicil ar chailín.

[6]Bíodh cúig sheicil airgid mar luach agat ar bhuachaill idir mí agus cúig bliana, agus trí sheicil ar chailín.

[7]Bíodh cúig sheicil déag mar luach agat ar fhear ó thrí fichid amach, agus deich seicil ar bhean.

[8]Má bhíonn an duine róbhocht chun do luacháil a íoc, tugadh sé an té a bhíonn i gceist i láthair an tsagairt, agus déanadh

segundo o que permitem as posses do que fez o voto, o avaliará o sacerdote.

9 Se for animal dos que se oferecem ao SENHOR, tudo quanto dele se der ao SENHOR será santo.

10 Não o mudará, nem o trocará bom por mau ou mau por bom; porém, se dalgum modo se trocar animal por animal, um e outro serão santos.

11 Se for animal imundo dos que se não oferecem ao SENHOR, então, apresentará o animal diante do sacerdote.

12 O sacerdote o avaliará, seja bom ou mau; segundo a avaliação do sacerdote, assim será.

13 Porém, se dalgum modo o resgatar, então, acrescentará a quinta parte à tua avaliação.

14 Quando alguém dedicar a sua casa para ser santa ao SENHOR, o sacerdote a avaliará, seja boa ou seja má; como o sacerdote a avaliar, assim será.

15 Mas, se aquele que a dedicou quiser resgatar a casa, então, acrescentará a quinta parte do dinheiro à tua avaliação, e será sua.

Voto de um campo e o resgate dele

16 Se alguém dedicar ao SENHOR parte do campo da sua herança, então, a tua avaliação será segundo a semente necessária para o semear: um gômer pleno

an sagart luach a leagan de réir acmhainne an té a thug an mhóid.

9Más ainmhí a bhíonn i gceist a d'oirfeadh mar ofráil don Tiarna, aon ainmhí den sórt sin a thugann duine don Tiarna, beidh sé coisricthe.

10Ná déanadh sé é a mhalartú, ná a mhalairt a chur ina áit - ceann maith in ait droch-chinn, droch-cheann in áit an chinn mhaith. Má mhalartaíonn sé ainmhí ar ainmhí eile, bídís araon coisricthe.

11Más ainmhí neamhghlan a bhíonn i gceist, nach n-oirfeadh a ofráil don Tiarna, ní foláir dó é a chur i láthair an tsagairt, cibé rud é.

12Cuireadh seisean luach air, á mheas a bheith go maith nó go holc. Mar a mheasann tusa an sagart é, sin mar a bheidh sé.

13Más mian leis an duine é a fhuascailt, cuireadh sé cúigiú lena luach.

14Nuair a dhéanann duine a theach a choisreacan don Tiarna, déanadh an sagart a luach a shocrú, á mheas go hard nó go híseal. Seastar le breith an tsagairt ar a luach.

15Ach más mian leis an té a choisric a theach é a fhuascailt, cuireadh sé cúigiú lena luach agus bíodh sé ar ais aige.

16Má dhéanann duine gort dá oidhreacht athartha a choisreacan don Tiarna, déan a luach a mheas de réir a thorthúlachta, leathchéad seicil airgid an t-ómar eorna.

de cevada será avaliado por cinqüenta siclos de prata.

[17] Se dedicar o seu campo desde o Ano do Jubileu, segundo a tua plena avaliação, ficará.

[18] Mas, se dedicar o seu campo depois do Ano do Jubileu, então, o sacerdote lhe contará o dinheiro segundo os anos restantes até ao Ano do Jubileu, e isto se abaterá da tua avaliação.

[19] Se aquele que dedicou o campo dalgum modo o quiser resgatar, então, acrescentará a quinta parte do dinheiro à tua avaliação, e ficará seu.

[20] Se não quiser resgatar o campo ou se o vender a outro homem, nunca mais se resgatará.

[21] Porém, havendo o campo saído livre no Ano do Jubileu, será santo ao SENHOR, como campo consagrado; a posse dele será do sacerdote.

[22] Se alguém dedicar ao SENHOR o campo que comprou, e não for parte da sua herança,

[23] então, o sacerdote lhe contará o preço da avaliação até ao Ano do Jubileu; e, no mesmo dia, dará o importe da avaliação como coisa santa ao SENHOR.

[24] No Ano do Jubileu, o campo tornará àquele que o vendeu, àquele de quem era a posse do campo por herança.

[25] Toda a tua avaliação se fará segundo o siclo do santuário; o siclo será de vinte geras.

[17]Má dhéanann sé an gort a choisreacan bliain na hiubhaile, seasadh sé leis an lánluach seo agat.

[18]Má dhéanann sé é a choisreacan tar éis bhliain na hiubhaile, déanadh an sagart an luach in airgead a mheas de réir an líon blianta fós go dtí an chéad iubhaile eile, agus déantar do luacháil a laghdú dá réir.

[19]Más mian leis an té a choisric, an gort a fhuascailt, cuireadh sé cúigiú leis an luach, agus fanadh an gort aige féin.

[20]Mura ndéanann sé é a fhuascailt ach é a dhíol leis an bhfear thall, tá deireadh leis an gceart fuascailte;

[21]agus nuair a shaortar an gort bliain na hiubhaile, déanann ní coisricthe don Tiarna arís de, ar aon dul le talamh faoi bhang; faigheann an sagart seilbh air.

[22]Má choisriceann duine gort a cheannaigh sé, gort nach aon chuid dá sheilbh oidhreachta, don Tiarna,

[23]ansin déanadh an sagart a luach a mheas as sin go bliain na hiubhaile, agus díoladh an duine suim a luacha an lá sin mar dhéanfadh ar rud coisricthe don Tiarna.

[24]I mbliain na hiubhaile fillfidh an gort ar an díoltóir, an duine ar leis é de sheilbh oidhreachta.

[25]Déantar gach luacháil de réir sheicil an tsanctóra, fiche géará an seicil.

[26] Mas o primogênito de um animal, por já pertencer ao SENHOR, ninguém o dedicará; seja boi ou gado miúdo, é do SENHOR.

[27] Mas, se for de um animal imundo, resgatar-se-á, segundo a tua avaliação, e sobre ele acrescentará a quinta parte; se não for resgatado, vender-se-á, segundo a tua avaliação.

Não há resgate para certas coisas consagradas

[28] No entanto, nada do que alguém dedicar irremissivelmente ao SENHOR, de tudo o que tem, seja homem, ou animal, ou campo da sua herança, se poderá vender, nem resgatar; toda coisa assim consagrada será santíssima ao SENHOR.

[29] Ninguém que dentre os homens for dedicado irremissivelmente ao SENHOR se poderá resgatar; será morto.

Sobre as dízimas

[30] Também todas as dízimas da terra, tanto dos cereais do campo como dos frutos das árvores, são do SENHOR; santas são ao SENHOR.

[31] Se alguém, das suas dízimas, quiser resgatar alguma coisa, acrescentará a sua quinta parte sobre ela.

[32] No tocante às dízimas do gado e do rebanho, de tudo o que passar debaixo do bordão do pastor, o dízimo será santo ao SENHOR.

[33] Não se investigará se é bom ou mau, nem o trocará; mas, se dalgum modo o trocar, um e outro serão santos; não serão resgatados.

[26]Níl sé de chead ag aon duine céadghin a n-ainmhithe a choisreacan, óir mar chéadghin is leis an Tiarna é ó cheart; cibé acu damh nó caora é is leis an Tiarna é.

[27]Más ainmhí neamhghlan é, ní miste é a cheannach ar ais, ar an luach ar ar mheas tú é ach cúigiú leis; mura ndéantar é a fhuascailt, díoltar é ar an luach ar ar mheas tú é.

[28]Aon ní a leagann duine faoi bhang don Tiarna, ní féidir é a dhíol ná é a fhuascailt - aon chuid dá shealúchas, duine nó ainmhí, nó gort dá oidhreacht. Aon rud a chuirtear faoi bhang, is rud sárnaofa é agus baineann sé leis an Tiarna.

[29]Aon duine daonna a chuirtear faoi bhang, atá le scrios ó láthair daoine, ní féidir é a fhuascailt, ní foláir é a chur chun báis.

[30]Deachúna uile na talún, más de thoradh na talún más de chnuas na gcrann, is leis an Tiarna iad; tá siad naofa don Tiarna.

[31]Más mian le duine cuid dá dheachú a fhuascailt, cuireadh sé a cúigiú léi.

[32]Gach deachú tréada agus tána, gach deichiú ainmhí dá ngabhann faoi bhachall an aoire, bíodh sé naofa don Tiarna.

[33]Ná bíodh aon togha ná díogha na malartú. Má dhéantar malartú, déantar idir mhalairt ainmhí agus mhalartach a

choisreacan don Tiarna, gan cead fuascailte.”

[34] São estes os mandamentos que o SENHOR ordenou a Moisés, para os filhos de Israel, no monte Sinai.

[34]Sin iad na haitheanta a d'aithin an Tiarna do Mhaois thar ceann chlann Iosrael ar Shliabh Shíónái.

O quarto livro de Moisés chamado Números

Números 1

Deus manda Moisés levantar o censo de Israel

1 No segundo ano após a saída dos filhos de Israel do Egito, no primeiro dia do segundo mês, falou o SENHOR a Moisés, no deserto do Sinai, na tenda da congregação, dizendo:

2 Levantai o censo de toda a congregação dos filhos de Israel, segundo as suas famílias, segundo a casa de seus pais, contando todos os homens, nominalmente, cabeça por cabeça.

3 Da idade de vinte anos para cima, todos os capazes de sair à guerra em Israel, a esses contareis segundo os seus exércitos, tu e Arão.

4 De cada tribo vos assistirá um homem que seja cabeça da casa de seus pais.

5 Estes, pois, são os nomes dos homens que vos assistirão: de Rúben, Elizur, filho de Sedeur;

6 de Simeão, Selumiel, filho de Zurisadai;

7 de Judá, Naassom, filho de Aminadabe;

8 de Issacar, Natanael, filho de Zuar;

9 de Zebulom, Eliabe, filho de Helom;

10 dos filhos de José: de Efraim, Elisama, filho de Amiúde; de Manassés, Gamaliel, filho de Pedazur;

11 de Benjamim, Abidã, filho de Gideoni;

12 de Dã, Aiezer, filho de Amisadai;

13 de Aser, Pagiel, filho de Ocrã;

14 de Gade, Eliasafe, filho de Deuel;

Uimhreacha

Uimhreacha 1

Daonáireamh á Fhógairt

1Labhair an Tiarna le Maois i bhfásach Shíonái, i mBoth na Teagmhála, ar an gcéad lá den dara mí sa dara bliain tar éis dóibh teacht amach as tír na hÉigipte agus dúirt:

2“Déanaigí daonáireamh ar chomhthionól uile chlann Iosrael de réir chlann agus fine athartha, ag cur ainm gach fireannaigh, ceann ar cheann, san áireamh.

3Gach fear in Iosrael os cionn fiche bliain agus é ar a chumas airm a iompar, déansa agus Árón iad a áireamh agus a ainmniú do láthair chatha.

4Agus bíodh duine as gach treibh, ceann a fhine athartha, ag cabhrú libh sa ghnó seo.

Feidhmeannaigh an Daonáirimh

5“Seo iad ainmneacha bhur lucht cúnta: Do Reúbaen, Eilíozúr mac Shidéúr.

6Do Shímeon, Sealuimíéil mac Zúiríseadái.

7Do Iúdá, Nachson mac Amaíneádáb.

8Do Íosácár, Natanael mac Zúár.

9Do Zabúlun, Eilíáb mac Haelon.

10Do mhic Iósaef: do Eafráim, Eilíseámá mac Aimíohúd; agus do Mhanaise, Gamailíéil mac Phadázúr.

11Do Bhiniáimin, Aibíodan mac Ghideoiní.

12Do Dhán, Aichíeizir mac Aimíseadái.

13Do Áiséar, Paigíéil mac Ocrán.

14Do Ghád, Eiliásáf mac Dheúael.

[15] de Naftali, Aira, filho de Enã.

[16] Estes foram os chamados da congregação, os príncipes das tribos de seus pais, os cabeças dos milhares de Israel.

[17] Então, Moisés e Arão tomaram estes homens, que foram designados pelos seus nomes.

[18] E, tendo ajuntado toda a congregação no primeiro dia do mês segundo, declararam a descendência deles, segundo as suas famílias, segundo a casa de seus pais, contados nominalmente, de vinte anos para cima, cabeça por cabeça.

[19] Como o SENHOR ordenara a Moisés, assim os contou no deserto do Sinai.

[20] Dos filhos de Rúben, o primogênito de Israel, as suas gerações, pelas suas famílias, segundo a casa de seus pais, contados nominalmente, cabeça por cabeça, todos os homens de vinte anos para cima, todos os capazes de sair à guerra,

[21] foram contados deles, da tribo de Rúben, quarenta e seis mil e quinhentos.

[22] Dos filhos de Simeão, as suas gerações, pelas suas famílias, segundo a casa de seus pais, contados nominalmente, cabeça por cabeça, todos os homens de vinte anos para cima, todos os capazes de sair à guerra,

[23] foram contados deles, da tribo de Simeão, cinqüenta e nove mil e trezentos.

[15]Do Naftáilí, Aichíora mac Aenán."

[16]Oirearca an chomhthionóil iadsan, ceannairí a dtreibheanna dúchais, treoraithe shluaite Iosrael.

[17]Rug Maois agus Árón na daoine seo, ar luadh a n-ainmneacha, leo

[18]agus ar an gcéad lá den dara mí thionóladar an comhthionól go léir. Rinne clann Iosrael go léir a nginealach a chur isteach de réir fine agus clainne, agus áiríodh ainm gach fir fiche bliain nó breis, ceann ar cheann.

[19]Rinne Maois daonáireamh orthu i bhfásach Shíonái mar a d'ordaigh an Tiarna dó.

An Daonáireamh

[20]Nuair a bhí ginealach mhuintir Reúbaen, céadghin Iosrael, curtha isteach de réir fine agus clainne, áiríodh ainm gach fir fiche bliain d'aois nó breis, ceann ar cheann, a raibh ar a gcumas airm a iompar.

[21]Ba é a líon siúd ar threibh Reúbaen daichead sé mhíle cúig céad.

[22]Nuair a bhí ginealach mhuintir Shímeon curtha isteach de réir fine agus clainne, áiríodh ceann ar cheann ainm gach fir fiche bliain d'aois nó breis a raibh ar a gcumas airm a iompar.

[23]Ba é a líon siúd ar threibh Shímeon caoga naoi míle trí chéad.

[24] Dos filhos de Gade, as suas gerações, pelas suas famílias, segundo a casa de seus pais, contados nominalmente, de vinte anos para cima, todos os capazes de sair à guerra,
[25] foram contados deles, da tribo de Gade, quarenta e cinco mil seiscentos e cinqüenta.
[26] Dos filhos de Judá, as suas gerações, pelas suas famílias, segundo a casa de seus pais, contados nominalmente, de vinte anos para cima, todos os capazes de sair à guerra,
[27] foram contados deles, da tribo de Judá, setenta e quatro mil e seiscentos.
[28] Dos filhos de Issacar, as suas gerações, pelas suas famílias, segundo a casa de seus pais, contados nominalmente, de vinte anos para cima, todos os capazes de sair à guerra,
[29] foram contados deles, da tribo de Issacar, cinqüenta e quatro mil e quatrocentos.
[30] Dos filhos de Zebulom, as suas gerações, pelas suas famílias, segundo a casa de seus pais, contados nominalmente, de vinte anos para cima, todos os capazes de sair à guerra,
[31] foram contados deles, da tribo de Zebulom, cinqüenta e sete mil e quatrocentos.
[32] Dos filhos de José, dos filhos de Efraim, as suas gerações, pelas suas famílias, segundo a casa de seus pais, contados

[24]Nuair a bhí ginealach mhuintir Ghád curtha isteach de réir fine agus clainne, áiríodh ceann ar cheann ainm gach fir fiche bliain d'aois nó breis a raibh ar a gcumas airm a iompar.
[25]Ba é a líon siúd ar threibh Ghád daichead cúig mhíle sé chéad agus a caoga.
[26]Nuair a bhí ginealach mhuintir Iúdá curtha isteach de réir fine agus clainne, áiríodh ceann ar cheann ainm gach fir fiche bliain d'aois nó breis a raibh sé ar a gcumas airm a iompar.
[27]Ba é a líon siúd ar threibh Iúdá, seachtó ceathair míle sé chéad.
[28]Nuair a bhí ginealach mhuintir Íosácár curtha isteach de réir fine agus clainne, áiríodh ceann ar cheann ainm gach fir fiche bliain d'aois nó breis a raibh sé ar a gcumas airm a iompar.
[29]Ba é a líon siúd ar threibh Íosácár, caoga ceathair míle ceithre chéad.
[30]Nuair a bhí ginealach mhuintir Zabúlun curtha isteach de réir fine agus clainne, áiríodh ceann ar cheann ainm gach fir fiche bliain d'aois nó breis a raibh sé ar a gcumas airm a iompar.
[31]Ba é a líon siúd ar threibh Zabúlun caoga seacht míle ceithre chéad.
[32]Maidir le clann Iósaef: Nuair a bhí ginealach mhuintir Eafráim curtha isteach de réir fine agus clainne, áiríodh ceann ar

nominalmente, de vinte anos para cima, todos os capazes de sair à guerra,

33 foram contados deles, da tribo de Efraim, quarenta mil e quinhentos.

34 Dos filhos de Manassés, as suas gerações, pelas suas famílias, segundo a casa de seus pais, contados nominalmente, de vinte anos para cima, todos os capazes de sair à guerra,

35 foram contados deles, da tribo de Manassés, trinta e dois mil e duzentos.

36 Dos filhos de Benjamim, as suas gerações, pelas suas famílias, segundo a casa de seus pais, contados nominalmente, de vinte anos para cima, todos os capazes de sair à guerra,

37 foram contados deles, da tribo de Benjamim, trinta e cinco mil e quatrocentos.

38 Dos filhos de Dã, as suas gerações, pelas suas famílias, segundo a casa de seus pais, contados nominalmente, de vinte anos para cima, todos os capazes de sair à guerra,

39 foram contados deles, da tribo de Dã, sessenta e dois mil e setecentos.

40 Dos filhos de Aser, as suas gerações, pelas suas famílias, segundo a casa de seus pais, contados nominalmente, de vinte anos para cima, todos os capazes de sair à guerra,

41 foram contados deles, da tribo de Aser, quarenta e um mil e quinhentos.

42 Dos filhos de Naftali, as suas gerações, pelas suas famílias, segundo a casa de seus

cheann ainm gach fir fiche bliain d'aois nó breis a raibh sé ar a gcumas airm a iompar.

33Ba é a líon siúd ar threibh Eafráim daichead míle cúig céad.

34Nuair a bhí ginealach mhuintir Mhanaise curtha isteach de réir fine agus clainne, áiríodh ceann ar cheann ainm gach fir fiche bliain d'aois nó breis a raibh sé ar a gcumas airm a iompar.

35Ba é a líon siúd ar threibh Mhanaise tríocha dó míle dhá chéad.

36Nuair a bhí ginealach mhuintir Bhiniáimin curtha isteach de réir fine agus clainne, áiríodh ceann ar cheann ainm gach fir fiche bliain nó breis a raibh sé ar a gcumas airm a iompar.

37Ba é a líon siúd ar threibh Bhiniáimin tríocha cúig mhíle ceithre chéad.

38Nuair a bhí ginealach mhuintir Dhán curtha isteach de réir fine agus clainne, áiríodh ceann ar cheann ainm gach fir fiche bliain d'aois nó breis a raibh sé ar a gcumas airm a iompar.

39Ba é a líon siúd ar threibh Dhán, seasca dó míle seacht gcéad.

40Nuair a bhí ginealach mhuintir Áiséar curtha isteach de réir fine agus clainne, áiríodh ceann ar cheann ainm gach fir fiche bliain nó breis a raibh sé ar a gcumas airm a iompar.

41Ba é a líon siúd ar threibh Áiséar daichead a haon mhíle cúig céad.

42Nuair a bhí ginealach mhuintir Naftáilí curtha isteach de réir fine agus clainne,

pais, contados nominalmente, de vinte anos para cima, todos os capazes de sair à guerra,

43 foram contados deles, da tribo de Naftali, cinqüenta e três mil e quatrocentos.

44 Foram estes os contados, contados por Moisés e Arão; e os príncipes de Israel eram doze homens; cada um era pela casa de seus pais.

45 Assim, pois, todos os contados dos filhos de Israel, segundo a casa de seus pais, de vinte anos para cima, todos os capazes de sair à guerra,

46 todos os contados foram seiscentos e três mil quinhentos e cinqüenta.

Os levitas não são contados

47 Mas os levitas, segundo a tribo de seus pais, não foram contados entre eles,

48 porquanto o SENHOR falara a Moisés, dizendo:

49 Somente não contarás a tribo de Levi, nem levantarás o censo deles entre os filhos de Israel;

50 mas incumbe tu os levitas de cuidarem do tabernáculo do Testemunho, e de todos os seus utensílios, e de tudo o que lhe pertence; eles levarão o tabernáculo e todos os seus utensílios; eles ministrarão no tabernáculo e acampar-se-ão ao redor dele.

51 Quando o tabernáculo partir, os levitas o desarmarão; e, quando assentar no arraial, os levitas o armarão; o estranho que se aproximar morrerá.

áiríodh ceann ar cheann ainm gach fir fiche bliain nó breis a raibh sé ar a gcumas airm a iompar.

43Ba é a líon siúd ar threibh Naftáilí caoga trí mhíle ceithre chéad.

44Sin iad na fir a áiríodh ag Maois agus ag Árón agus ag ceannairí Iosrael, dáréag díobh, gach duine díobh ag seasamh do theaghlach a shinsear.

45Áiríodh de réir fine agus clainne gach fear de chlann Iosrael a bhí fiche bliain nó breis agus é ar a chumas airm a iompar.

46Ba é an líon iomlán sé chead agus a trí mhíle cúig céad agus caoga.

47Ach níor cuireadh na Léivítigh agus a dtreibh shinsearachta san áireamh.

Reacht na Léivíteach

48Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

49“Ná háirimh treibh Léiví ámh, agus ná déan daonáireamh orthu i measc phobal Iosrael.

50Cuir na Léivítigh i mbun taibearnacal na Fianaise chun aire a thabhairt dá ghréithe agus do gach a mbaineann leis. Déanaidís an taibearnacal agus a ghréithe go léir a iompar, agus fónamh dó, agus a gcampa a chur suas ina thimpeall.

51Nuair a bhíonn an taibearnacal le gluaiseacht, is iad na Léivítigh a chaithfidh é a bhaint óna chéile agus nuair a bhíonn sé le cur suas arís, is iad na

Léivítigh a chaithfidh é chur suas. Aon duine eile a thagann ina ghaire, cuirtear chun báis é.

[52] Os filhos de Israel se acamparão, cada um no seu arraial e cada um junto ao seu estandarte, segundo as suas turmas.

[52]Déanadh clann Iosrael a mbothanna a chur suas de réir eagair, gach duine ina champa féin, agus gach duine faoina bhratach féin.

[53] Mas os levitas se acamparão ao redor do tabernáculo do Testemunho, para que não haja ira sobre a congregação dos filhos de Israel; pelo que os levitas tomarão a si o cuidar do tabernáculo do Testemunho.

[53]Ach déanadh na Léivítigh a mbothanna a chur suas timpeall taibearnacal na Fianaise, i dtreo nach dtitfidh fraoch na feirge ar chomhthionól uile chlann Iosrael. Bíodh na Léivítigh i bhfeighil thaibearnacal na Fianaise."

[54] Assim fizeram os filhos de Israel; segundo tudo o que o SENHOR ordenara a Moisés, assim o fizeram.

[54]Rinne clann Iosrael díreach mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois. Rinneadar rud air.

Números 2

A ordem das tribos no acampamento

[1] Disse o SENHOR a Moisés e a Arão:

[2] Os filhos de Israel se acamparão junto ao seu estandarte, segundo as insígnias da casa de seus pais; ao redor, de frente para a tenda da congregação, se acamparão.

[3] Os que se acamparem ao lado oriental (para o nascente) serão os do estandarte do arraial de Judá, segundo as suas turmas; e Naassom, filho de Aminadabe, será príncipe dos filhos de Judá.

[4] E o seu exército, segundo o censo, foram setenta e quatro mil e seiscentos.

Uimhreacha 2

Eagar na dTreibheanna

[1]Labhair an Tiarna le Maois agus le hÁrón agus dúirt:

[2]"Déanadh clann Iosrael a mbothanna a chur suas de réir eagair, gach duine ag a bhrat féin, faoi bhratach theaghlach a shinsearachta. Cuiridís suas a mbothanna mórthimpeall thaibearnacal na Fianaise fad áirithe uaidh amach.

[3]Maidir leo siúd atá lena mbothanna a chur lastoir: i dtreo éirí gréine, bratach champa Iúdá, faoi chóiriú catha; mar cheann ar chlann Iúdá: Nachsón mac Amaíneádáb,

[4]agus seachtó ceathair míle sé chéad fear ar a ríomh, faoina cheannas.

[5] E junto a ele se acampará a tribo de Issacar; e Natanael, filho de Zuar, será príncipe dos filhos de Issacar.
[6] E o seu exército, segundo o censo, foram cinqüenta e quatro mil e quatrocentos.
[7] Depois, a tribo de Zebulom; e Eliabe, filho de Helom, será príncipe dos filhos de Zebulom.
[8] E o seu exército, segundo o censo, foram cinqüenta e sete mil e quatrocentos.
[9] Todos os que foram contados do arraial de Judá foram cento e oitenta e seis mil e quatrocentos, segundo as suas turmas; e estes marcharão primeiro.
[10] O estandarte do arraial de Rúben, segundo as suas turmas, estará para o lado sul; e Elizur, filho de Sedeur, será príncipe dos filhos de Rúben.
[11] E o seu exército, segundo o censo, foram quarenta e seis mil e quinhentos.
[12] E junto a ele se acampará a tribo de Simeão; e Selumiel, filho de Zurisadai, será príncipe dos filhos de Simeão.
[13] E o seu exército, segundo o censo, foram cinqüenta e nove mil e trezentos.
[14] Depois, a tribo de Gade; e Eliasafe, filho de Deuel, será príncipe dos filhos de Gade.
[15] E o seu exército, segundo o censo, foram quarenta e cinco mil seiscentos e cinqüenta.
[16] Todos os que foram contados no arraial de Rúben foram cento e cinqüenta e um mil quatrocentos e cinqüenta, segundo as suas turmas; e estes marcharão em segundo lugar.

[5]Le campáil taobh leis: treibh Íosácár. Mar cheann ar chlann Íosácár: Natanael mac Zúár,
[6]agus caoga ceathair míle ceithre chéad fear, ar a ríomh, faoina cheannas.
[7]Treibh Zabúlun. Mar cheann ar chlann Zabúlun: Eilíáb mac Haelon,
[8]agus caoga seacht míle ceithre chéad ar a ríomh faoina cheannas.
[9]Is é líon tionóil iomlán champa Iúdá ar a ríomh, céad ochtó sé mhíle ceithre chéad. Siad atá le bheith ar tosach ag scor campa.
[10]“Ar an taobh theas: bratach champa Reúbaen faoi chóiriú catha; mar cheann ar chlann Reúbaen: Eilíozúr mac Shidéúr,
[11]agus daichead sé mhíle cúig céad fear, ar a ríomh, faoina cheannas.
[12]Le campáil taobh leis: treibh Shímeon. Mar cheann ar chlann Shímeon, Sealuimíéil mac Zúiriseadái,
[13]agus caoga naoi míle trí chéad fear, ar a ríomh, faoina cheannas.
[14]Treibh Ghád. Mar cheann ar chlann Ghád: Eiliásáf mac Dheúael,
[15]agus daichead cúig mhíle sé chéad agus caoga fear, ar a ríomh, faoina cheannas.
[16]Is é líon tionóil iomlán champa Reúbaen ar a ríomh, céad agus caoga haon mhíle ceithre chéad agus a caoga. Siad atá le bheith sa dara háit ag scor campa.

[17] Então, partirá a tenda da congregação com o arraial dos levitas no meio dos arraiais; como se acamparem, assim marcharão, cada um no seu lugar, segundo os seus estandartes.

[18] O estandarte do arraial de Efraim, segundo as suas turmas, estará para o lado ocidental; e Elisama, filho de Amiúde, será príncipe dos filhos de Efraim.

[19] E o seu exército, segundo o censo, foram quarenta mil e quinhentos.

[20] E junto a ele, a tribo de Manassés; e Gamaliel, filho de Pedazur, será príncipe dos filhos de Manassés.

[21] E o seu exército, segundo o censo, foram trinta e dois mil e duzentos.

[22] Depois, a tribo de Benjamim; e Abidã, filho de Gideoni, será príncipe dos filhos de Benjamim.

[23] O seu exército, segundo o censo, foram trinta e cinco mil e quatrocentos.

[24] Todos os que foram contados no arraial de Efraim foram cento e oito mil e cem, segundo as suas turmas; e estes marcharão em terceiro lugar.

[25] O estandarte do arraial de Dã estará para o norte, segundo as suas turmas; e Aiezer, filho de Amisadai, será príncipe dos filhos de Dã.

[26] E o seu exército, segundo o censo, foram sessenta e dois mil e setecentos.

[27] E junto a ele se acampará a tribo de Aser; e Pagiel, filho de Ocrã, será príncipe dos filhos de Aser.

[17]“Ansin gluaiseadh Both na Teagmhála agus campa na Léivíteach i lár na gcampaí eile. Bíodh eagar a ngluaiste ar aon dul le heagar a gcampála, gach duine in ord faoina bhrat féin.

[18]“Ar an taobh thiar: Bratach champa Eafráim faoi chóiriú catha. Mar cheann ar chlann Eafráim: Eilíseámá mac Aimíohud,

[19]agus daichead míle cúig céad fear ar a ríomh, faoina cheannas.

[20]Le campáil taobh leis: treibh Mhanaise. Mar cheann ar chlann Mhanaise: Gamailíéil mac Phadázúr,

[21]agus tríocha dó míle dhá chéad fear, ar a ríomh, faoina cheannas.

[22]Treibh Bhiniáimin. Mar cheann ar chlann Bhiniáimin: Aibíodan mac Ghideoiní,

[23]agus tríocha cúig mhíle ceithre chéad fear, ar a ríomh, faoina cheannas.

[24]Is é líon tionóil iomlán Eafráim, ar a ríomh, céad agus a hocht míle agus céad. Siad atá le bheith sa tríú háit ag scor campa.

[25]“Ar an taobh thuaidh: bratach champa Dhán faoi chóiriú catha. Mar cheann ar chlann Dhán: Aichíeizir mac Aimíseadái,

[26]agus seasca dó míle seacht gcéad fear ar a ríomh, faoina cheannas.

[27]Lé campáil taobh leis: treibh Áiséar. Mar cheann ar threibh Áiséar: Paigiéil mac Ocrán,

[28] E o seu exército, segundo o censo, foram quarenta e um mil e quinhentos.
[29] Depois, a tribo de Naftali; e Aira, filho de Enã, será príncipe dos filhos de Naftali.
[30] E o seu exército, segundo o censo, foram cinqüenta e três mil e quatrocentos.
[31] Todos os que foram contados no arraial de Dã foram cento e cinqüenta e sete mil e seiscentos; e estes marcharão no último lugar, segundo os seus estandartes.
[32] São estes os que foram contados dos filhos de Israel, segundo a casa de seus pais; todos os que foram contados dos arraiais pelas suas turmas foram seiscentos e três mil quinhentos e cinqüenta.
[33] Mas os levitas não foram contados entre os filhos de Israel, como o SENHOR ordenara a Moisés.
[34] Assim fizeram os filhos de Israel; conforme tudo o que o SENHOR ordenara a Moisés, se acamparam segundo os seus estandartes e assim marcharam, cada qual segundo as suas famílias, segundo a casa de seus pais.

Números 3

Número e ofício dos levitas

[1] São estas, pois, as gerações de Arão e de Moisés, no dia em que o SENHOR falou com Moisés no monte Sinai.
[2] E são estes os nomes dos filhos de Arão: o primogênito, Nadabe; depois, Abiú, Eleazar e Itamar.

[28]agus daichead a haon mhíle fear, ar a ríomh, faoina cheannas.
[29]Ansin treibh Naftáilí: mar cheann ar chlann Naftáilí: Aichíora mac Aenán,
[30]agus caoga trí mhíle ceithre chéad fear faoina cheannas.
[31]Is é líon tionóil iomlán champa Dhán, ar a ríomh, céad caoga seacht míle sé chéad. Siad a bheidh ar deireadh ag scor campa, brat ar bhrat.”
[32]Ba é sin líon chlann Iosrael nuair a rinneadh an daonáireamh de réir teaghlach sinsearachta. Ba é líon iomlán an champa uile, cóirithe ina gceannasaíochtaí faoi leith, sé chéad agus a trí mhíle cúig céad agus a caoga fear.
[33]Ach níor áiríodh na Léivítigh i measc chlann Iosrael de réir mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.
[34]Rinne clann Iosrael de réir mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois; sin mar a shuíodar a gcampa, faoi eagar a mbrat. Sin mar scoireadar campa, gach duine lena mhuintir féin de réir fine.

Uimhreacha 3

Treibh Léiví

[1]Seo iad sliocht Árón agus Mhaois nuair a labhair an Tiarna le Maois ar Shliabh Shíónái.
[2]Seo iad ainmneacha chlann Árón: Nádáb an chéadghin agus Aibíchiú, Eileázár agus Íteámár.

3 Estes são os nomes dos filhos de Arão, os sacerdotes ungidos, consagrados para oficiar como sacerdotes.

4 Mas Nadabe e Abiú morreram perante o SENHOR, quando ofereciam fogo estranho perante o SENHOR, no deserto do Sinai, e não tiveram filhos; porém Eleazar e Itamar oficiaram como sacerdotes diante de Arão, seu pai.

5 Disse o SENHOR a Moisés:

6 Faze chegar a tribo de Levi e põe-na diante de Arão, o sacerdote, para que o sirvam

7 e cumpram seus deveres para com ele e para com todo o povo, diante da tenda da congregação, para ministrarem no tabernáculo.

8 Terão cuidado de todos os utensílios da tenda da congregação e cumprirão o seu dever para com os filhos de Israel, no ministrar no tabernáculo.

9 Darás, pois, os levitas a Arão e a seus filhos; dentre os filhos de Israel lhe são dados.

10 Mas a Arão e a seus filhos ordenarás que se dediquem só ao seu sacerdócio, e o estranho que se aproximar morrerá.

11 Disse o SENHOR a Moisés:

12 Eis que tenho eu tomado os levitas do meio dos filhos de Israel, em lugar de todo primogênito que abre a madre, entre os filhos de Israel; e os levitas serão meus.

3Sin iad ainmneacha chlann Árón, na sagairt ungtha a d'oirnigh sé le fónamh i mbun dualgais na sagartachta.

4Ach fuair Nádáb agus Aibíchiú bás i láthair an Tiarna nuair a d'ofráladar tine mhídhleathach i láthair an Tiarna i bhfásach Shíonái. Níor fhágadar sliocht. Dá bhrí sin fágadh faoi Eileázár agus Íteámár fónamh mar shagairt faoina n-athair Árón.

5Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

6“Tionól treibh Léiví agus cuir ar fáil iad do Árón an sagart, le freastal air.

7Comhlíonaidís na dualgais atá dlite de agus dlite den chomhthionól go léir os comhair Bhoth na Teagmhála ina seirbhís don taibearnacal.

8Bíodh gréithe uile Bhoth na Teagmhála ina gcúram, agus déanaidís na dualgais go léir atá dlite de chlann Iosrael ina seirbhís don taibearnacal a ghabháil chucu féin.

9Tabhair na Léivítigh d'Árón agus dá mhic mar thoirbheartaigh; tugadh clann Iosrael dó iad.

10Cláraigh Árón agus a chlann mhac agus déanaidís a ndualgais sagairt a chomhlíonadh; ach má thagann aon duine eile i ngar, cuirtear chun báis é.”

11Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

12“Roghnaigh mé féin na Léivítigh as clann Iosrael in áit gach céadghin a osclaíonn an bhroinn i measc chlann Iosrael; liomsa na Léivítigh dá bhrí sin.

13 Porque todo primogênito é meu; desde o dia em que feri a todo primogênito na terra do Egito, consagrei para mim todo primogênito em Israel, desde o homem até ao animal; serão meus. Eu sou o SENHOR.

13Óir is liomsa gach céadghin. An lá a mharaigh mé gach céadghin i dtalamh na hÉigipte, rinne mé gach céadghin in Iosrael idir dhuine agus ainmhí a choisreacan dom féin; is liomsa iad. Mise an Tiarna."

Daonáireamh na Léivíteach

14 Falou o SENHOR a Moisés no deserto do Sinai, dizendo:

14Labhair an Tiarna le Maois i bhfásach Shíonái agus dúirt:

15 Conta os filhos de Levi, segundo a casa de seus pais, pelas suas famílias; contarás todo homem da idade de um mês para cima.

15"Déan clann Léiví a áireamh de réir teaghlaigh shinsearachta agus de réir fine; ní foláir gach fireannach míosa nó breis a chomhaireamh."

16 E Moisés os contou segundo o mandado do SENHOR, como lhe fora ordenado.

16Rinne Maois iad a áireamh mar a dúirt an Tiarna ag déanamh de réir a orduithe.

17 São estes os filhos de Levi pelos seus nomes: Gérson, Coate e Merari.

17Seo iad ainmneacha chlann Léiví: Géirseon, Cohát agus Marárai.

18 E estes são os nomes dos filhos de Gérson pelas suas famílias: Libni e Simei.

18Seo iad ainmneacha shliocht Ghéirseon de réir fine: Libní agus Simí.

19 E os filhos de Coate pelas suas famílias: Anrão, Izar, Hebrom e Uziel.

19Clann Chohát de réir fine: Amrám agus Izeár, Heabrón agus Uizíéil.

20 E os filhos de Merari pelas suas famílias: Mali e Musi; são estas as famílias dos levitas, segundo a casa de seus pais.

20Clann Mharárai de réir fine: Mailí agus Múisí. Sin iad sleachta Léiví de réir a dteaghlaigh shinsireachta.

21 De Gérson é a família dos libnitas e a dos simeítas; são estas as famílias dos gersonitas.

21Ó Ghéirseon shíolraigh sleachta na Libníoch agus na Simíoch; sin iad sleachta Ghéirseon.

22 Todos os homens que deles foram contados, cada um nominalmente, de um mês para cima, foram sete mil e quinhentos.

22Ba é a líon iomlán, ag cur na bhfireannach go léir mí d'aois nó breis san áireamh, seacht míle cúig céad.

23 As famílias dos gersonitas se acamparão atrás do tabernáculo, ao ocidente.

23Shuigh sleachta Ghéirseon a gcampa ar chúl an taibearnacail laistiar.

24 O príncipe da casa paterna dos gersonitas será Eliasafe, filho de Lael.

24Ba é Eiliásáf mac Láéil ceann theaghlach Ghéirseon.

[25] Os filhos de Gérson terão a seu cargo, na tenda da congregação, o tabernáculo, a tenda e sua coberta, o reposteiro para a porta da tenda da congregação,

[25]Sé cúram a bhí ar chlann Ghéirseon i mBoth na Teagmhála, an taibearnacal, an Bhoth lena brait, an chliath do dhoras Bhoth na Teagmhála,

[26] as cortinas do pátio, o reposteiro da porta do pátio, que rodeia o tabernáculo e o altar, as suas cordas e todo o serviço a eles devido.

[26]na brait ag crochadh timpeall na faiche, an chliath do dhoras na faiche atá timpeall an taibearnacail agus na haltóra, agus na téada go léir ba ghá don ghnó seo.

[27] De Coate é a família dos anramitas, e a dos izaritas, e a dos hebronitas, e a dos uzielitas; são estas as famílias dos coatitas.

[27]Ó Chohát shíolraigh sleachta na nAmrámach, sleachta na nIzeárach, sleachta na Heabrónach, agus sleachta na nUizíéalach. Sin iad sleachta na gCohátach.

[28] Contados todos os homens, da idade de um mês para cima, foram oito mil e seiscentos, que tinham a seu cargo o santuário.

[28]Ba é a líon iomlán, ag cur na bhfireannach go léir mí d'aois nó breis san áireamh, ocht míle sé chéad. Bhí siadsan i bhfeighil an tsanctóra.

[29] As famílias dos filhos de Coate se acamparão ao lado do tabernáculo, do lado sul.

[29]Shuigh sleachta Chohát a gcampa ar an taobh theas den taibearnacal.

[30] O príncipe da casa paterna das famílias dos coatitas será Elisafã, filho de Uziel.

[30]Ba é Ealzáfán mac Uizíéil ceann teaghlaigh chlanna Chohát.

[31] Terão eles a seu cargo a arca, a mesa, o candelabro, os altares, os utensílios do santuário com que ministram, o reposteiro e todo o serviço a eles devido.

[31]Sé cúram a bhí orthu, an áirc, an bord, an coinnleoir, na haltóirí, soithí beannaithe an tsanctóra lena ndéanann na sagairt seirbhís, agus an chliath le gach a ngabhann léi.

[32] O príncipe dos príncipes de Levi será Eleazar, filho de Arão, o sacerdote; terá a superintendência dos que têm a seu cargo o santuário.

[32]Ba é Eileázár, mac Árón an sagart, taoiseach cheannairí na Léivíteach. Bhí sé i gceannas orthu siúd go léir a bhí i bhfeighil an tsanctóra.

[33] De Merari é a família dos malitas e a dos musitas; são estas as famílias de Merari.

[33]Ó Mharáraí shíolraigh sleachta na Mailíoch agus na Múisíoch; sin iad sleachta Mharáraí.

[34] Todos os homens que deles foram contados, de um mês para cima, foram seis mil e duzentos.

[35] O príncipe da casa paterna das famílias de Merari será Zuriel, filho de Abiail; acampar-se-ão ao lado do tabernáculo, do lado norte.

[36] Os filhos de Merari, por designação, terão a seu cargo as tábuas do tabernáculo, as suas travessas, as suas colunas, as suas bases, todos os seus utensílios e todo o serviço a eles devido;

[37] também as colunas do pátio em redor, as suas bases, as suas estacas e as suas cordas.

[38] Os que se acamparão diante do tabernáculo, ao oriente, diante da tenda da congregação, para o lado do nascente, serão Moisés e Arão, com seus filhos, tendo a seu cargo os ritos do santuário, para cumprirem seus deveres prescritos, em prol dos filhos de Israel; o estranho que se aproximar morrerá.

[39] Todos os que foram contados dos levitas, contados por Moisés e Arão, por mandado do SENHOR, segundo as suas famílias, todo homem de um mês para cima, foram vinte e dois mil.

O resgate dos primogênitos

[40] Disse o SENHOR a Moisés: Conta todo primogênito varão dos filhos de Israel, cada um nominalmente, de um mês para cima,

[41] e para mim tomarás os levitas (eu sou o SENHOR) em lugar de todo primogênito dos filhos de Israel e os animais dos levitas

[34]Ba é a líon iomlán, ag cur na bhfireannach go léir mí d'aois nó breis san áireamh, sé mhíle dhá chéad.

[35]Ba é Zúiriéil mac Aibíocháil ceann teaghlaigh chlanna Mharáraí, agus shuíodar a gcampa ar an taobh thuaidh den taibearnacal.

[36]Bhí clann Mharáraí i bhfeighil chreat an taibearnacail, na bataí, na cuaillí, na ceapa agus a ghréithe go léir agus a ngabhann leo,

[37]agus cuaillí na faiche mórthimpeall lena gceapa agus a bpionnaí agus a dtéada.

[38]Siad a shuigh a gcampa ar an taobh thoir, os comhair an taibearnacail agus Bhoth na Teagmhála, i dtreo éirí gréine, Maois agus Árón agus a chlann mhac a bhí i bhfeighil ghnásanna an tsanctóra thar ceann chlann Iosrael. Aon duine eile a thiocfadh i ngar, bhí sé le cur chun báis.

[39]Ba é líon iomlán na Léivíteach mí d'aois nó breis, a d'áirigh Maois agus Árón de réir fine mar a d'ordaigh an Tiarna dhá mhíle agus fiche.

Na Léivítigh agus Fuascailt na gCéadghinte

[40]Dúirt an Tiarna le Maois: “Déan daonáireamh ar gach céadghin fir ar chlann Iosrael mí d'aois agus breis á n-áireamh ó ainm.

[41]Ansin déan na Léivítigh a thoirbhirt domsa, mise an Tiarna, in áit gach céadghine de chlann Iosrael; ar an gcaoi

em lugar de todo primogênito entre os animais dos filhos de Israel.

[42] Contou Moisés, como o SENHOR lhe ordenara, todo primogênito entre os filhos de Israel.

[43] Todos os primogênitos varões, contados nominalmente, de um mês para cima, segundo o censo, foram vinte e dois mil duzentos e setenta e três.

[44] Disse o SENHOR a Moisés:

[45] Toma os levitas em lugar de todo primogênito entre os filhos de Israel e os animais dos levitas em lugar dos animais dos filhos de Israel, porquanto os levitas serão meus. Eu sou o SENHOR.

[46] Pelo resgate dos duzentos e setenta e três dos primogênitos dos filhos de Israel, que excedem o número dos levitas,

[47] tomarás por cabeça cinco siclos; segundo o siclo do santuário, os tomarás, a vinte geras o siclo.

[48] E darás a Arão e a seus filhos o dinheiro com o qual são resgatados os que são demais entre eles.

[49] Então, Moisés tomou o dinheiro do resgate dos que excederam os que foram resgatados pelos levitas.

[50] Dos primogênitos dos filhos de Israel tomou o dinheiro, mil trezentos e sessenta e cinco siclos, segundo o siclo do santuário.

[51] E deu Moisés o dinheiro dos resgatados a Arão e a seus filhos, segundo o mandado

chéanna tabharfaidh tú a n-eallach in áit gach céadghin eallaigh le clann Iosrael.”

[42]Rinne Maois dá bhrí sin daonáireamh ar gach céadghin mhic ar chlann Iosrael mar a d'ordaigh an Tiarna.

[43]Ba é líon iomlán na gcéadghinte mí d'aois agus breis, fiche dó míle dhá chéad agus seachtó trí.

[44]Ansin labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[45]“Tóg na Léivítigh in áit gach céadghine ar chlann Iosrael, agus eallach na Léivíteach in áit a n-eallaigh. Liomsa féin na Léivítigh; mise an Tiarna.

[46]Mar fhuascailt ar son an dá chéad agus seachtó trí céadghin ar chlann Iosrael atá de bhreis ar líon na Léivíteach,

[47]tóg cúig sheicil an ceann, de réir sheicil an tsanctóra, fiche géará sa seicil.

89 Quando entrava Moisés na tenda da congregação para falar com o SENHOR, então, ouvia a voz que lhe falava de cima do propiciatório, que está sobre a arca do Testemunho entre os dois querubins; assim lhe falava.

iadsan na hofrálacha do thíolacadh na haltóra tar éis í a ungadh.

89Nuair a chuaigh Maois isteach i mBoth na Teagmhála chun labhairt leis, chuala sé an guth a labhair leis ó lastuas de chathaoir na trócaire a bhí ar áirc na Fianaise ó idir an dá cheiribín. Ansin is ea a labhair sé leis.

Números 8

As sete lâmpadas do santuário

1 Disse o SENHOR a Moisés:

2 Fala a Arão e dize-lhe: Quando colocares as lâmpadas, seja de tal maneira que venham as sete a alumiar defronte do candelabro.

3 E Arão fez assim; colocou as lâmpadas para que alumiassem defronte do candelabro, como o SENHOR ordenara a Moisés.

4 O candelabro era feito de ouro batido desde o seu pedestal até às suas flores; segundo o modelo que o SENHOR mostrara a Moisés, assim ele fez o candelabro.

A consagração dos levitas

5 Disse mais o SENHOR a Moisés:

6 Toma os levitas do meio dos filhos de Israel e purifica-os;

7 assim lhes farás, para os purificar: asperge sobre eles a água da expiação; e sobre todo o seu corpo farão passar a navalha, lavarão as suas vestes e se purificarão;

8 e tomarão um novilho, com a sua oferta de manjares de flor de farinha, amassada

Uimhreacha 8

Na Lampaí don Choinnleoir

1Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

2“Abair le hÁrón: ‘Nuair a dhéanfaidh tú na lampaí a chóiriú, ní foláir do na seacht lampaí a solas a chaitheamh amach os comhair an choinnleora.’ ”

3Rinne Árón amhlaidh. Chóirigh sé na lampaí le solas a chaitheamh os comhair an choinnleora mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

4Ba d'ór buailte an coinnleoir, idir chrann agus bheangáin - ba d'ór buailte iadsan chomh maith. Rinneadh an coinnleoir de réir an phatrúin a thaispeáin an Tiarna do Mhaois.

Na Léivítigh á dTíolacadh

5Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

6“Scar na Léivítigh ó chlann Iosrael agus íonaigh iad.

7Seo mar atá siad le híonú agat: Croith íonuisce orthu, agus bearraidís a gcorp ar fad agus nídís a gcuid éadaigh. Beidh siad glan ansin.

8Faighidís tarbh óg ansin leis an abhlann de phlúr mín measctha le hola a ghabhann

com azeite; tu, porém, tomarás outro novilho para oferta pelo pecado.

9 Farás chegar os levitas perante a tenda da congregação; e ajuntarás toda a congregação dos filhos de Israel.

10 Quando, pois, fizerem chegar os levitas perante o SENHOR, os filhos de Israel porão as mãos sobre eles.

11 Arão apresentará os levitas como oferta movida perante o SENHOR, da parte dos filhos de Israel; e serão para o serviço do SENHOR.

12 Os levitas porão as mãos sobre a cabeça dos novilhos; e tu sacrificarás um para oferta pelo pecado e o outro para holocausto ao SENHOR, para fazer expiação pelos levitas.

13 Porás os levitas perante Arão e perante os seus filhos e os apresentarás por oferta movida ao SENHOR.

14 E separarás os levitas do meio dos filhos de Israel; os levitas serão meus.

15 Depois disso, entrarão os levitas para fazerem o serviço da tenda da congregação; e tu os purificarás e, por oferta movida, os apresentarás,

16 porquanto eles dentre os filhos de Israel me são dados; em lugar de todo aquele que abre a madre, do primogênito de cada um dos filhos de Israel, para mim os tomei.

leis, agus faigh-se tarbh óg eile d'íobairt pheaca.

9Ansin tabhair na Léivítigh os comhair Bhoth na Teagmhála, agus gair le chéile comhthionól uile chlann Iosrael.

10Nuair a bhéarfaidh tú na Léivítigh i láthair an Tiarna, leagadh clann Iosrael a lámha orthu.

11Ofráladh Árón na Léivítigh ansin mar dhleacht ar leith i láthair an Tiarna thar ceann chlann Iosrael. As sin amach beidh siad tíolactha do sheirbhís an Tiarna.

12“Leagadh na Léivítigh ansin a lámha ar cheann na dtarbh, agus déan-sa ceann acu a ofráil mar íobairt pheaca, agus an ceann eile mar íobairt loiscthe don Tiarna. Sin mar atá an gnás leorghnímh ar son na Léivíteach le comhlíonadh.

13Tar éis duit na Léivítigh a chur faoi bhráid Árón agus a chlann mhac, ofráil don Tiarna iad mar dhleacht ar leith.

14Sin mar atá na Léivítigh le cur i leataobh ón gcuid eile de chlann Iosrael i dtreo go mba liomsa iad.

15Tosóidh na Léivítigh ansin ar a seirbhís i mBoth na Teagmhála. “Ní foláir duit iad a ghlanadh agus a ofráil mar dhleacht ar leith,

16óir tugadh dom go hiomlán mar thoirbheartaigh iad ó i measc chlann Iosrael, agus tá siad le bheith ina n-áit siúd a d'oscail an bhroinn, na céadghinte; rinne mé mo chuid féin díobh as clann Iosrael go léir.

[17] Porque meu é todo primogênito entre os filhos de Israel, tanto de homens como de animais; no dia em que, na terra do Egito, feri todo primogênito, os consagrei para mim.

[18] Tomei os levitas em lugar de todo primogênito entre os filhos de Israel.

[19] E os levitas, dados a Arão e a seus filhos, dentre os filhos de Israel, entreguei-os para fazerem o serviço dos filhos de Israel na tenda da congregação e para fazerem expiação por eles, para que não haja praga entre o povo de Israel, chegando-se os filhos de Israel ao santuário.

[20] E assim fez Moisés, e Arão, e toda a congregação dos filhos de Israel com os levitas; segundo tudo o que o SENHOR ordenara a Moisés acerca dos levitas, assim lhes fizeram os filhos de Israel.

[21] Os levitas se purificaram e lavaram as suas vestes, e Arão os apresentou por oferta movida perante o SENHOR e fez expiação por eles, para purificá-los.

[22] Depois disso, chegaram os levitas, para fazerem o seu serviço na tenda da congregação, perante Arão e seus filhos; como o SENHOR ordenara a Moisés acerca dos levitas, assim lhes fizeram.

[23] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[17]Óir is liomsa gach céadghin ar chlann Iosrael, idir fhear agus ainmhí; an lá a mharaigh mé gach céadghin i dtír na hÉigipte, rinne mé iad a choisreacan dom féin,

[18]agus anois thóg mé na Léivítigh in áit gach céadghin ar chlann Iosrael.

[19]Thug mé na Léivítigh d'Árón agus dá mhaca mar thoirbheartaigh de chlann Iosrael; déanfaidh siad seirbhís i mBoth na Teagmhála thar ceann chlann Iosrael, agus comhlíonfaidh siad gnás an leorghnímh ar son chlann Iosrael i dtreo nach mbuailfeadh aon phlá iadsan má rachadh aon chuid de chlann Iosrael i ngar don sanctóir.”

[20]Sin mar a rinne Maois agus Árón agus comhthionól uile chlann Iosrael leis na Léivítigh, go cruinn beacht mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois i dtaobh na Léivíteach; sin mar a rinne clann Iosrael leo.

[21]Ghlan na Léivítigh iad féin ó pheaca, agus nigh siad a gcuid éadaigh; d'ofráil Árón iad mar dhleacht ar leith i láthair an Tiarna. Ansin chomhlíon Árón gnás an leorghnímh thar a gceann á nglanadh.

[22]Ansin ghabh na Léivítigh isteach chun a seirbhís a dhéanamh i mBoth na Teagmhála ag fónamh d'Árón agus dá mhaca. Rinneadh leis na Léivítigh de réir mar a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois ina dtaobh.

[23]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[24] Isto é o que toca aos levitas: da idade de vinte e cinco anos para cima entrarão, para fazerem o seu serviço na tenda da congregação;

[25] mas desde a idade de cinqüenta anos desobrigar-se-ão do serviço e nunca mais servirão;

[26] porém ajudarão aos seus irmãos na tenda da congregação, no tocante ao cargo deles; não terão mais serviço. Assim farás com os levitas quanto aos seus deveres.

[24]“Baineann sé seo leis na Léivítigh. Ó aois a cúig fichead amach, ní foláir do na Léivítigh dul isteach chun a gcúram a chomhlíonadh ag freastal i mBoth na Teagmhála.

[25]Ó aois leathchéad amach níl aon cheangal ar Léivíteach freastal agus ná déanadh sé freastal a thuilleadh,

[26]ach déanadh sé fónamh dá bhráithre i mBoth na Teagmhála, chun an tseirbhís a chinntiú; ach ná déanadh sé féin áon seirbhís a thuilleadh. Féach chuige gurb í sin an riail do sheirbhís na Léivíteach.”

Números 9

A celebração da Páscoa

[1] Falou o SENHOR a Moisés no deserto do Sinai, no ano segundo da sua saída da terra do Egito, no mês primeiro, dizendo:

[2] Celebrem os filhos de Israel a Páscoa a seu tempo.

[3] No dia catorze deste mês, ao crepúsculo da tarde, a seu tempo a celebrareis; segundo todos os seus estatutos e segundo todos os seus ritos, a celebrareis.

[4] Disse, pois, Moisés aos filhos de Israel que celebrassem a Páscoa.

[5] Então, celebraram a Páscoa no dia catorze do mês primeiro, ao crepúsculo da tarde, no deserto do Sinai; segundo tudo o que o SENHOR ordenara a Moisés, assim fizeram os filhos de Israel.

[6] Houve alguns que se acharam imundos por terem tocado o cadáver de um

Uimhreacha 9

An Cháisc

[1]Labhair an Tiarna le Maois i bhfásach Shíonái an chéad mhí den dara bliain tar éis dóibh teacht amach as tír na hÉigipte agus dúirt:

[2]“Coimeádadh clann Iosrael an Cháisc san am atá ceaptha di.

[3]An ceathrú lá déag den mhí seo, idir dhá sholas tráthnona, an t-am atá ceaptha daoibh í a choimeád. Ní foláir daoibh í a cheiliúradh de réir gach dlí agus gnás a bhaineann léi.”

[4]D'ordaigh Maois do chlann Iosrael dá bhrí sin an Cháisc a choimeád.

[5]Cheiliúradar an Cháisc i bhfásach Shíonái, ar an gcéad mhí, ar an gceathrú lá déag den mhí sin, idir dhá sholas tráthnóna. Rinne clann Iosrael go cruinn beacht mar a d'ordaigh an Tiarna dóibh.

[6]Bhí fir áirithe a bhí neamhghlan mar gur bhaineadar le corpán agus nárbh fhéidir

homem, de maneira que não puderam celebrar a Páscoa naquele dia; por isso, chegando-se perante Moisés e Arão,

[7] disseram-lhes: Estamos imundos por termos tocado o cadáver de um homem; por que havemos de ser privados de apresentar a oferta do SENHOR, a seu tempo, no meio dos filhos de Israel?

[8] Respondeu-lhes Moisés: Esperai, e ouvirei o que o SENHOR vos ordenará.

[9] Então, disse o SENHOR a Moisés:

[10] Fala aos filhos de Israel, dizendo: Quando alguém entre vós ou entre as vossas gerações achar-se imundo por causa de um morto ou se achar em jornada longe de vós, contudo, ainda celebrará a Páscoa ao SENHOR.

[11] No mês segundo, no dia catorze, no crepúsculo da tarde, a celebrarão; com pães asmos e ervas amargas a comerão.

[12] Dela nada deixarão até à manhã e dela não quebrarão osso algum; segundo todo o estatuto da Páscoa, a celebrarão.

[13] Porém, se um homem achar-se limpo, e não estiver de caminho, e deixar de celebrar a Páscoa, essa alma será eliminada do seu povo, porquanto não apresentou a oferta do SENHOR, a seu tempo; tal homem levará sobre si o seu pecado.

dóibh an Cháisc a cheiliúradh an lá sin. Thángadar go Maois agus go hÁrón an lá sin féin,

[7]agus dúirt siad leis: “Táimid fágtha neamhghlan mar gur bhaineamar le corpán; cén fáth a bhfuiltear a chosc orainne ofráil a dhéanamh don Tiarna ag an am cuí in éineacht leis an gcuid eile de chlann Iosrael?”

[8]D'fhreagair Maois iad: “Fanaigí mar a bhfuil sibh go gcluine mé cad é an t-ordú a thabharfaidh an Tiarna fúibh.”

[9]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[10]“Abair le clann Iosrael: ‘Má bhíonn aon duine agaibhse nó de bhur sliocht neamhghlan mar gur bhain sé le corpán, nó má bhíonn sé ar aistear i gcéin, is féidir dó Cáisc a choimeád don Tiarna mar sin féin.

[11]Coimeádaidís í ar an dara mí, ar an gceathrú lá déag, idir dhá sholas tráthnóna; caithidís an t-uan le harán slim agus le luibheanna searbha;

[12]ná fágtar aon chuid de go maidin, agus ná bristear aon chnámh ann; coimeádaidís an Cháisc seo ar aon dul díreach le gnás na Cásca.

[13]Ach an té atá glan agus nach bhfuil ar aistear, ach nach gcoimeádann an Cháisc san am céanna, gearrtar an duine sin amach óna phobal, mar nár ofráil sé ofráil an Tiarna ag an am a bhí ceaptha; bíodh ualach a pheaca ar an té sin.

[14] Se um estrangeiro habitar entre vós e também celebrar a Páscoa ao SENHOR, segundo o estatuto da Páscoa e segundo o seu rito, assim a celebrará; um só estatuto haverá para vós outros, tanto para o estrangeiro como para o natural da terra.

A nuvem sobre o tabernáculo
Êxodo 40.34-38

[15] No dia em que foi erigido o tabernáculo, a nuvem o cobriu, a saber, a tenda do Testemunho; e, à tarde, estava sobre o tabernáculo uma aparência de fogo até à manhã.

[16] Assim era de contínuo: a nuvem o cobria, e, de noite, havia aparência de fogo.

[17] Quando a nuvem se erguia de sobre a tenda, os filhos de Israel se punham em marcha; e, no lugar onde a nuvem parava, aí os filhos de Israel se acampavam.

[18] Segundo o mandado do SENHOR, os filhos de Israel partiam e, segundo o mandado do SENHOR, se acampavam; por todo o tempo em que a nuvem pairava sobre o tabernáculo, permaneciam acampados.

[19] Quando a nuvem se detinha muitos dias sobre o tabernáculo, então, os filhos de Israel cumpriam a ordem do SENHOR e não partiam.

[20] Às vezes, a nuvem ficava poucos dias sobre o tabernáculo; então, segundo o mandado do SENHOR, permaneciam e, segundo a ordem do SENHOR, partiam.

[14]Má bhíonn coimhthíoch ag cur faoi in bhur measc agus go gcoimeádann an Cháisc don Tiarna, ní foláir dó í a choimeád de réir reacht agus gnás na Cásca. Bíodh an t-aon reacht amháin in bhur measc do dheoraí agus do dhúchasach mar an gcéanna.' ”

An Néal

[15]An lá a cuireadh suas an taibearnacal, chlúdaigh an néal an taibearnacal agus both na Fianaise. Ó thráthnona go maidin luigh sé ar an taibearnacal faoi chló tine.

[16]D'fholaigh an néal é gan stad dá réir sin, agus é faoi chló tine san oíche.

[17]Nuair a d'ardaíodh an néal ón mboth, chuireadh clann Iosrael chun siúil; cibé áit ina luíodh an néal, ansiúd a shuíodh clann Iosrael a gcampa.

[18]Faoi ordú an Tiarna a chuireadh clann Iosrael chun bóthair agus faoi ordú uaidh a shuídís campa. Fad a luigh an néal ar an taibearnacal, d'fhanadar sa champa.

[19]Má luíodh an néal tamall fada de laethanta ar an taibearnacal, ghéilleadh clann Iosrael do threoir an Tiarna agus ní scoiridís campa.

[20]Ach sa chás nach luíodh an néal ach beagán laethanta os cionn an taibearnacail, shuídís campa faoi ordú an Tiarna agus scoiridís campa faoi ordú an Tiarna.

[21] Às vezes, a nuvem ficava desde a tarde até à manhã; quando, pela manhã, a nuvem se erguia, punham-se em marcha; quer de dia, quer de noite, erguendo-se a nuvem, partiam.

[22] Se a nuvem se detinha sobre o tabernáculo por dois dias, ou um mês, ou por mais tempo, enquanto pairava sobre ele, os filhos de Israel permaneciam acampados e não se punham em marcha; mas, erguendo-se ela, partiam.

[23] Segundo o mandado do SENHOR, se acampavam e, segundo o mandado do SENHOR, se punham em marcha; cumpriam o seu dever para com o SENHOR, segundo a ordem do SENHOR por intermédio de Moisés.

[21]Nuair nach luíodh an néal ach thar oíche go maidin, chuiridís chun siúil nuair a d'ardaíodh sé lá arna mhárach. Nó, nuair a d'fhanadh sé lá agus oíche iomlán, ní bhogaidís go dtí go n-ardaíodh sé.

[22]Ar uaire luíodh sé ar feadh dhá lá, nó mí, nó níos faide; dá fhad a d'fhanadh an néal os cionn an taibearnacail, d'fhanadh clann Iosrael sa champa san áit chéanna agus nuair a d'ardaíodh sé chuiridís chun siúil.

[23]Faoi ordú an Tiarna shuídís campa, faoi ordú an Tiarna a scoiridís campa. Choinnídís aithne an Tiarna de réir ordú an Tiarna trí Mhaois.

Números 10

As duas trombetas de prata

[1] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[2] Faze duas trombetas de prata; de obra batida as farás; servir-te-ão para convocares a congregação e para a partida dos arraiais.

[3] Quando tocarem, toda a congregação se ajuntará a ti à porta da tenda da congregação.

[4] Mas, quando tocar uma só, a ti se ajuntarão os príncipes, os cabeças dos milhares de Israel.

[5] Quando as tocardes a rebate, partirão os arraiais que se acham acampados do lado oriental.

[6] Mas, quando a segunda vez as tocardes a rebate, então, partirão os arraiais que se

Uimhreacha 10

Na Trumpaí

[1]Labhair an Tiarna le Maois:

[2]“Déan dhá thrumpa, déan d'airgead buailte iad. Bain feidhm astu ag gairm an chomhthionóil agus ag scor an champa.

[3]Nuair a shéidfear iad araon cruinníodh an comhthionól chugat ag doras Bhoth na Teagmhála.

[4]Nuair nach séidfear ach ceann, ansin ná cruinníodh i do thimpeall ach an lucht ceannais, ceannairí threibheanna Iosrael.

[5]Nuair a ghabhann gáir chatha leis an séideadh, cuireadh na campaí lastoir chun siúil.

[6]Nuair a dhéanfar an dara séideadh agus go mbíonn gáir chatha leis, cuireadh na

acham acampados do lado sul; a rebate, as tocarão para as suas partidas.

[7] Mas, se se houver de ajuntar a congregação, tocá-las-eis, porém não a rebate.
[8] Os filhos de Arão, sacerdotes, tocarão as trombetas; e a vós outros será isto por estatuto perpétuo nas vossas gerações.

[9] Quando, na vossa terra, sairdes a pelejar contra os opressores que vos apertam, também tocareis as trombetas a rebate, e perante o SENHOR, vosso Deus, haverá lembrança de vós, e sereis salvos de vossos inimigos.

[10] Da mesma sorte, no dia da vossa alegria, e nas vossas solenidades, e nos princípios dos vossos meses, também tocareis as vossas trombetas sobre os vossos holocaustos e sobre os vossos sacrifícios pacíficos, e vos serão por lembrança perante vosso Deus. Eu sou o SENHOR, vosso Deus.

Os israelitas partem do Sinai

[11] Aconteceu, no ano segundo, no segundo mês, aos vinte do mês, que a nuvem se ergueu de sobre o tabernáculo da congregação.
[12] Os filhos de Israel puseram-se em marcha do deserto do Sinai, jornada após jornada; e a nuvem repousou no deserto de Parã.
[13] Assim, pela primeira vez, se puseram em marcha, segundo o mandado do SENHOR, por Moisés.

campaí laisteas chun siúil. Chun an campa a scor, ní foláir gáir chatha a dhul leis an séideadh;

[7]ach chun an comhthionól a chruinniú, déantar an trumpa a shéideadh gan gháir chatha.
[8]Siad na sagairt, clann Árón, a shéidfidh na trumpaí; dlí síoraí é seo daoibh féin agus do bhur sliocht.
[9]“Nuair a rachaidh sibh chun cogaidh in bhur dtír féin in aghaidh namhad a bhíonn ag déanamh leatroim oraibh, ní foláir daoibh an trumpa a shéideadh leis an ngáir chatha: ‘Cuimhneofar oraibh i láthair an Tiarna bhur nDia, agus déanfar sibh a fhuascailt ó bhur naimhde! ’

[10]In bhur bhféilte chomh maith, in bhur sollúna cinnte agus in bhur bhféilte ré nua, déanfaidh sibh bhur dtrumpaí a shéideadh le linn bhur n-íobairtí loiscthe agus bhur n-íobairtí comaoineach; beidh siadsan mar shás cuimhnithe oraibh i láthair bhur nDé. Mise an Tiarna bhur nDia.”

Cuirtear chun Bealaigh

[11]Sa dara bliain, sa dara mí, ar an bhfichiú lá den mhí sin, d'ardaigh an néal ó thaibearnacal na Fianaise.

[12]Chuir clann Iosrael chun siúil faoi eagar aistir, ó fhásach Shíonái. Luigh an néal i bhfásach Phárán.

[13]Seo iad an mhuintir a chuir chun bealaigh ar dtús faoi ordú an Tiarna trí bhéal Mhaois:

[14] Primeiramente, partiu o estandarte do arraial dos filhos de Judá, segundo as suas turmas; e, sobre o seu exército, estava Naassom, filho de Aminadabe;
[15] sobre o exército da tribo dos filhos de Issacar, Natanael, filho de Zuar;
[16] e, sobre o exército da tribo dos filhos de Zebulom, Eliabe, filho de Helom.

[17] Então, desarmaram o tabernáculo, e os filhos de Gérson e os filhos de Merari partiram, levando o tabernáculo.

[18] Depois, partiu o estandarte do arraial de Rúben, segundo as suas turmas; e, sobre o seu exército, estava Elizur, filho de Sedeur;

[19] sobre o exército da tribo dos filhos de Simeão, Selumiel, filho de Zurisadai;

[20] e, sobre o exército da tribo dos filhos de Gade, Eliasafe, filho de Deuel.

[21] Então, partiram os coatitas, levando as coisas santas; e erigia-se o tabernáculo até que estes chegassem.

[22] Depois, partiu o estandarte do arraial dos filhos de Efraim, segundo as suas turmas; e, sobre o seu exército, estava Elisama, filho de Amiúde;
[23] sobre o exército da tribo dos filhos de Manassés, Gamaliel, filho de Pedazur;
[24] e, sobre o exército da tribo dos filhos de Benjamim, Abidã, filho de Gideoni.
[25] Então, partiu o estandarte do arraial dos filhos de Dã, formando a retaguarda de

[14]ar tosach bhí bratach champa chlann Iúdá faoi chóiriú catha. I gceannas ar a slua bhí Nachsón mac Amaíneádáb;

[15]i gceannas ar threibh chlann Íosácár faoi chóiriú catha bhí Natanael mac Zúár;
[16]i gceannas ar threibh chlann Zabúlun faoi chóiriú catha bhí Eilíáb mac Haelon.
[17]Nuair a tógadh anuas an taibearnacal, chuir clann Ghéirseon agus clann Mharáraí chun bealaigh ag iompar an taibearnacail.
[18]Ansin chuir bratach champa chlann Reúbaen chun bealaigh faoi chóiriú catha; i gceannas ar shlua Reúbaen bhí Eilíozúr mac Shidéúr;
[19]i gceannas threibh chlann Shímeon faoi chóiriú catha bhí Sealuimíéil mac Zúiríseadái;
[20]i gceannas threibh chlann Ghád faoi chóiriú catha bhí Eiliásáf mac Dheúael.
[21]Ansin chuir clann Chohát chun bealaigh agus na nithe naofa ar iompar acu (bhí an taibearnacal curtha suas roimh iad a theacht).

[22]Ansin tháinig bratach champa chlann Eafráim faoi chóiriú catha; i gceannas ar a slua bhí Eilíseámá mac Aimíohúd;

[23]i gceannas ar shlua threibh chlann Mhanaise bhí Gamailíéil mac Phadázúr;
[24]i gceannas ar shlua threibh chlann Bhiniáimin bhí Aibíodan mac Ghideoiní.
[25]Ar deireadh, thiar, mar chúlgharda ar an gcampa uile, chuir bratach champa chlann

todos os arraiais, segundo as suas turmas; e, sobre o seu exército, estava Aiezer, filho de Amisadai;

[26] sobre o exército da tribo dos filhos de Aser, Pagiel, filho de Ocrã;

[27] e, sobre o exército da tribo dos filhos de Naftali, Aira, filho de Enã.

[28] Nesta ordem, puseram-se em marcha os filhos de Israel, segundo os seus exércitos.

Moisés roga a Hobabe que vá com eles

[29] Disse Moisés a Hobabe, filho de Reuel, o midianita, sogro de Moisés: Estamos de viagem para o lugar de que o SENHOR disse: Dar-vo-lo-ei; vem conosco, e te faremos bem, porque o SENHOR prometeu boas coisas a Israel.

[30] Porém ele respondeu: Não irei; antes, irei à minha terra e à minha parentela.

[31] Tornou-lhe Moisés: Ora, não nos deixes, porque tu sabes que devemos acampar-nos no deserto; e nos servirás de guia.

[32] Se vieres conosco, far-te-emos o mesmo bem que o SENHOR a nós nos fizer.

[33] Partiram, pois, do monte do SENHOR caminho de três dias; a arca da Aliança do SENHOR ia adiante deles caminho de três dias, para lhes deparar lugar de descanso.

[34] A nuvem do SENHOR pairava sobre eles de dia, quando partiam do arraial.

[35] Partindo a arca, Moisés dizia: Levanta-te, SENHOR, e dissipados sejam os teus

Dhán chun bealaigh, faoi chóiriú catha; i gceannas ar a slua bhí Aichíeizir mac Aimíseadái;

[26]i gceannas ar threibh chlann Áiséar faoi chóiriú catha bhí Paigíéil mac Ocrán;

[27]i gceannas ar threibh chlann Naftáilí faoi chóiriú catha, bhí Aichíora mac Aenán.

[28]Ba é sin eagar máirseála chlann Iosrael faoi chóiriú catha. Chuireadar chun bóthair dá bhrí sin.

[29]Dúirt Maois le Hobáb mac Reúael, an Midiánach, athair a chéile: “Táimid ag cur chun bóthair go dtí an tír a ndúirt an Tiarna faoi: ‘tabharfaidh mé daoibh é’. Tar linn agus déanfaimid do leas, óir gheall an Tiarna sonas do chlann Iosrael.”

[30]“Ní rachaidh mé faraibh,” ar sé, “imeoidh mé chun mo thíre agus mo mhuintire féin.”

[31]“Ná himigh uainn,” arsa Maois, “mar tá a fhios agat cár féidir dúinn ár gcampa a shuíomh san fhásach; agus beidh tú mar shúile againn.

[32]Má thagann tú inár gcoimhdeacht, beidh tú páirteach i ngach beannacht sonais lena mbeannóidh an Tiarna sinn.”

[33]Chuir siad chun siúil ó shliabh an Tiarna agus rinne siad taisteal trí lá. Ghabh áirc chonradh an Tiarna ar an aistear trí lá seo ag lorg áit lonnaithe dóibh.

[34]Agus bhí néal an Tiarna os a gcionn sa lá cibé uair a d'fhágadar an campa.

[35]Nuair a chuireadh an áirc chun bóthair deireadh Mhaois: “Éirigh, a Thiarna, agus go raibh scaipeadh ar do naimhde! Agus

inimigos, e fujam diante de ti os que te odeiam.

[36] E, quando pousava, dizia: Volta, ó SENHOR, para os milhares de milhares de Israel.

an dream a bhfuil fuath acu duit, Go dteithidís lena n-anam romhat."

[36]Agus nuair a stopadh sí, deireadh sé: "Fill, a Thiarna, Ar na mílte ar mhílte d'Iosraelaigh."

Números 11

As murmurações dos israelitas

[1] Queixou-se o povo de sua sorte aos ouvidos do SENHOR; ouvindo-o o SENHOR, acendeu-se-lhe a ira, e fogo do SENHOR ardeu entre eles e consumiu extremidades do arraial.

[2] Então, o povo clamou a Moisés, e, orando este ao SENHOR, o fogo se apagou.

[3] Pelo que chamou aquele lugar Taberá, porque o fogo do SENHOR se acendera entre eles.

[4] E o populacho que estava no meio deles veio a ter grande desejo das comidas dos egípcios; pelo que os filhos de Israel tornaram a chorar e também disseram: Quem nos dará carne a comer?

[5] Lembramo-nos dos peixes que, no Egito, comíamos de graça; dos pepinos, dos melões, dos alhos silvestres, das cebolas e dos alhos.

[6] Agora, porém, seca-se a nossa alma, e nenhuma coisa vemos senão este maná.

[7] Era o maná como semente de coentro, e a sua aparência, semelhante à de bdélio.

[8] Espalhava-se o povo, e o colhia, e em moinhos o moía ou num gral o pisava, e em panelas o cozia, e dele fazia bolos; o

Uimhreacha 11

Cnáimhseán

[1]Bhí an pobal ag cnáimhseán i dtaobh a gcruatan faoi éisteacht an Tiarna, agus arna gclos don Tiarna d'adhain a fhearg agus las lasair an Tiarna ina measc agus loisc sé imeall den champa.

[2]Ansin rinne an pobal achainí ar Mhaois agus ghuigh sé chun an Tiarna agus chuaigh an tine in éag.

[3]Tugadh Tabaerá ar an áit mar gur loisc lasair an Tiarna ina measc.

[4]An daoscarshlua a bhí i measc an phobail, bhuail miangas iad, agus chrom clann Iosrael chomh maith ar lógóireacht arís: "Cé thabharfaidh feoil le hithe dúinn?" ar siad.

[5]"Cad é iasc, mar is cuimhin linn, a d'ithimís in aisce san Éigipt! - agus cúcamair, agus mealbhacáin, agus cainninn, agus oinniúin, agus gairleoga.

[6]Ach anois níl géarú goile againn agus gan ach manna os comhair ár súl againn."

[7]Anois bhí an manna mar shíol coiriandair, agus dealramh bdellium air.

[8]Ghabhadh an pobal timpeall agus chruinnídís é, agus mheilidís i muilte é, nó bhrúidís le tuairgnín é; dhéanaidís é a bhruith ansin i bpotaí, agus dhéanaidís

seu sabor era como o de bolos amassados com azeite.

[9] Quando, de noite, descia o orvalho sobre o arraial, sobre este também caía o maná.

Moisés acha pesado o seu cargo

[10] Então, Moisés ouviu chorar o povo por famílias, cada um à porta de sua tenda; e a ira do SENHOR grandemente se acendeu, e pareceu mal aos olhos de Moisés.

[11] Disse Moisés ao SENHOR: Por que fizeste mal a teu servo, e por que não achei favor aos teus olhos, visto que puseste sobre mim a carga de todo este povo?

[12] Concebi eu, porventura, todo este povo? Dei-o eu à luz, para que me digas: Leva-o ao teu colo, como a ama leva a criança que mama, à terra que, sob juramento, prometeste a seus pais?

[13] Donde teria eu carne para dar a todo este povo? Pois chora diante de mim, dizendo: Dá-nos carne que possamos comer.

[14] Eu sozinho não posso levar todo este povo, pois me é pesado demais.

[15] Se assim me tratas, mata-me de uma vez, eu te peço, se tenho achado favor aos teus olhos; e não me deixes ver a minha miséria.

Deus designa setenta anciãos para ajudarem Moisés

[16] Disse o SENHOR a Moisés: Ajunta-me setenta homens dos anciãos de Israel, que

cístí de. Bhí blas air mar a bheadh ar chístí bruite le hola.

[9]Nuair a thiteadh an drúcht ar an gcampa san oíche, thiteadh an manna in éineacht leis.

Guí Mhaois agus an Freagra

[10]Chuala Maois an pobal ag lógóireacht, gach clann i mbéal a botha, agus adhnadh fearg an Tiarna go tréan, agus bhí suaitheadh mór ar Mhaois dá bharrsan.

[11]Dúirt Maois leis an Tiarna: “Cén fáth go bhfuil do shearbhónta agat á chrá? Cén fáth nach bhfuil do ghnaoi orm, ach tú ag cur ualach an phobail seo go léir sa mhullach orm?

[12]An mise a ghin an mhuintir seo go léir? An mise a thug ar an saol iad a rá is go ndéarfá liom: ‘Beir leat i d'ucht iad mar a dhéanfadh buime le leanbh cíche - chun na tíre a mhionnaigh tú a thabharfá dá n-aithreacha’?

[13]Cá bhfuil feoil le fáil agamsa le tabhairt don mhuintir seo go léir nuair a thagann siad chugam agus na deora leo á rá: ‘Tabhair dúinn feoil le hithe! ’?

[14]Ní féidir domsa an pobal seo go léir a iompar liom féin amháin; tá an t-ualach ró-throm dom.

[15]Más mar sin is mian leat plé liom, maraigh mé ar an toirt! Uch gan do ghnaoi a bheith orm agus gan mé a fheiceáil truamhéile mar seo le mo shúile cinn!”

[16]Dúirt an Tiarna le Maois: “Cruinnigh dom seachtó de sheanóirí Iosrael, daoine

sabes serem anciãos e superintendentes do povo; e os trarás perante a tenda da congregação, para que assistam ali contigo.

is eol duit is sinsir ar an bpobal agus is scríobhaithe acu. Beir leat iad go Both na Teagmhála agus seasaídís ansiúd farat.

[17] Então, descerei e ali falarei contigo; tirarei do Espírito que está sobre ti e o porei sobre eles; e contigo levarão a carga do povo, para que não a leves tu somente.

[17]Tiocfaidh mé anuas chun labhairt leat ansiúd agus tógfaidh mé cuid den spiorad atá ortsa agus cuirfidh mé orthu siúd é. Iompróidh siad mar sin cuid d'ualach na muintire seo in éineacht leat agus ní bheidh ort é a iompar leat féin amháin a thuilleadh.

[18] Dize ao povo: Santificai-vos para amanhã e comereis carne; porquanto chorastes aos ouvidos do SENHOR, dizendo: Quem nos dará carne a comer? Íamos bem no Egito. Pelo que o SENHOR vos dará carne, e comereis.

[18]Abair leis an bpobal: 'Coisricigí sibh féin don lá amárach, agus beidh feoil le hithe agaibh, óir rinne sibh lógóireacht i gcomhchlos don Tiarna á rá: Cé thabharfaidh feoil le hithe dúinn? Nár bhreá an saol a bhí againn san Éigipt! Uime sin tabharfaidh an Tiarna feoil le hithe daoibh.

[19] Não comereis um dia, nem dois dias, nem cinco, nem dez, nem ainda vinte;

[19]Ní ar feadh lae amháin, nó dhá lá, nó cúig lá, nó deich lá, nó fiche lá, a íosfaidh sibh í,

[20] mas um mês inteiro, até vos sair pelos narizes, até que vos enfastieis dela, porquanto rejeitastes o SENHOR, que está no meio de vós, e chorastes diante dele, dizendo: Por que saímos do Egito?

[20]ach ar feadh mí iomlán, go dtí go gcuirfidh sí masmas oraibh agus go mbeidh an ghráin agaibh uirthi, mar gur shéan sibh an Tiarna atá in bhur measc agus go ndearna sibh lógóireacht ina láthair á rá: Cad ab áil linn teacht amach as an Éigipt ar aon chor? ' ”

[21] Respondeu Moisés: Seiscentos mil homens de pé é este povo no meio do qual estou; e tu disseste: Dar-lhes-ei carne, e a comerão um mês inteiro.

[21]Dúirt Maois: “Sé líon an phobail i mo thimpeall, sé chéad míle troitheach, agus deir tú: 'Tabharfaidh mé feoil le hithe dóibh ar feadh mí iomlán! '

[22] Matar-se-ão para eles rebanhos de ovelhas e de gado que lhes bastem? Ou se

[22]Dá marófaí na tréada agus na táinte go léir dóibh, ar leor sin dóibh? Dá

ajuntarão para eles todos os peixes do mar que lhes bastem?

[23] Porém o SENHOR respondeu a Moisés: Ter-se-ia encurtado a mão do SENHOR? Agora mesmo, verás se se cumprirá ou não a minha palavra!

[24] Saiu, pois, Moisés, e referiu ao povo as palavras do SENHOR, e ajuntou setenta homens dos anciãos do povo, e os pôs ao redor da tenda.

[25] Então, o SENHOR desceu na nuvem e lhe falou; e, tirando do Espírito que estava sobre ele, o pôs sobre aqueles setenta anciãos; quando o Espírito repousou sobre eles, profetizaram; mas, depois, nunca mais.

[26] Porém, no arraial, ficaram dois homens; um se chamava Eldade, e o outro, Medade. Repousou sobre eles o Espírito, porquanto estavam entre os inscritos, ainda que não saíram à tenda; e profetizavam no arraial.

[27] Então, correu um moço, e o anunciou a Moisés, e disse: Eldade e Medade profetizam no arraial.

[28] Josué, filho de Num, servidor de Moisés, um dos seus escolhidos, respondeu e disse: Moisés, meu senhor, proíbe-lho.

[29] Porém Moisés lhe disse: Tens tu ciúmes por mim? Tomara todo o povo do SENHOR fosse profeta, que o SENHOR lhes desse o seu Espírito!

mbaileofaí a bhfuil d'iasc san fharraige dóibh, ar leor sin dóibh?”

[23]“Ar giorraíodh lámh an Tiarna?” arsa an Tiarna le Maois, “feicfidh tú anois an gcomhlíonfar mo ghealluint duit nó nach ndéanfar.”

[24]Chuaigh Maois amach dá bhrí sin agus d'inis don phobal cad dúirt an Tiarna; agus chruinnigh sé seachtó de sheanóirí an phobail agus thug leis agus chuir timpeall na Botha iad.

[25]Ansin tháinig an Tiarna anuas sa néal agus labhair leis agus thóg de cuid den spiorad a bhí air agus chuir ar an seachtó seanóir é. Nuair a luigh an spiorad orthu rinneadar fáidheoireacht, ach ní dhearnadar sin arís.

[26]D'fhan beirt fhear sa champa - Ealdad a ba ainm do dhuine díobh agus Méadad a ba ainm don duine eile. Luigh an spiorad orthu; cé nach ndeachadar go dtí an Bhoth cláraíodh a n-ainmneacha leis an gcuid eile. Chromadar ar fháidheoireacht sa champa.

[27]Rith an fear óg leis an scéala go Maois: “Féach! seo Ealdad agus Méadad ag fáidheoireacht sa champa!”

[28]Ansin dúirt Iósua mac Nún, duine tofa dá chuid a bhíodh ag fónamh do Mhaois: “A Mhaois, a thiarna, cuir cosc leo!”

[29]Ach dúirt Maois leis: “An amhlaidh atá formad ort ar mo shonsa? Uch nach fáithe iad pobal an Tiarna ar fad, agus nár chuir an Tiarna a spiorad orthu go léir!”

[30] Depois, Moisés se recolheu ao arraial, ele e os anciãos de Israel.

Deus manda codornizes

[31] Então, soprou um vento do SENHOR, e trouxe codornizes do mar, e as espalhou pelo arraial quase caminho de um dia, ao seu redor, cerca de dois côvados sobre a terra.

[32] Levantou-se o povo todo aquele dia, e a noite, e o outro dia e recolheu as codornizes; o que menos colheu teve dez ômeres; e as estenderam para si ao redor do arraial.

[33] Estava ainda a carne entre os seus dentes, antes que fosse mastigada, quando se acendeu a ira do SENHOR contra o povo, e o feriu com praga mui grande.

[34] Pelo que o nome daquele lugar se chamou Quibrote-Hataavá, porquanto ali enterraram o povo que teve o desejo das comidas dos egípcios.

[35] De Quibrote-Hataavá partiu o povo para Hazerote e ali ficou.

Números 12

A sedição de Miriã e Arão

[1] Falaram Miriã e Arão contra Moisés, por causa da mulher cuxita que tomara; pois tinha tomado a mulher cuxita.

[30]Ansin d'fhill Maois, agus seanóirí Iosrael lena chois, ar an gcampa.

[31]Ghabh gaoth amach ón Tiarna agus thiomáin sé gearga isteach ón bhfarraige agus thug anuas iad láimh leis an gcampa. Bhíodar ina luí ansiúd aistear lae, abair, ón gcampa, ina thimpeall ón dá thaobh, agus iad dhá bhanláimh ar airde ar an talamh.

[32]D'fhan an pobal ar a gcois an lá agus an oíche sin go léir, agus lá arna mhárach chomh maith, ag cruinniú gearg; deich n-ómar an cnuasach is lú a rinne aon duine. Ansin leathadar amach dóibh féin timpeall an champa iad.

[33]Bhí an fheoil fós faoina bhfiacla, gan cogaint, nuair a d'adhain fearg an Tiarna in aghaidh an phobail, agus bhuail an Tiarna an pobal le plá rómhór.

[34]Uime sin tugadh Ciobrót Hatavá ("Uaigheanna an Mhiangais") ar an áit mar is ansiúd a d'adhlacadar an dream a ghéill dá miangas.

[35]Chuir an pobal chun siúil ó Chiobrót Hatavá go Hazaerót; agus shuíodar a gcampa i Hazaerót.

Uimhreacha 12

Gearáin agus Guí

[1]Rinne Miriám, agus Árón chomh maith léi, monabhar in aghaidh Mhaois i dtaobh na mná Cuisíteach a phós sé; óir phós sé Cuisíteach mná.

[2] E disseram: Porventura, tem falado o SENHOR somente por Moisés? Não tem falado também por nós? O SENHOR o ouviu.

[3] Era o varão Moisés mui manso, mais do que todos os homens que havia sobre a terra.

[4] Logo o SENHOR disse a Moisés, e a Arão, e a Miriã: Vós três, saí à tenda da congregação. E saíram eles três.

[5] Então, o SENHOR desceu na coluna de nuvem e se pôs à porta da tenda; depois, chamou a Arão e a Miriã, e eles se apresentaram.

[6] Então, disse: Ouvi, agora, as minhas palavras; se entre vós há profeta, eu, o SENHOR, em visão a ele, me faço conhecer ou falo com ele em sonhos.

[7] Não é assim com o meu servo Moisés, que é fiel em toda a minha casa.

[8] Boca a boca falo com ele, claramente e não por enigmas; pois ele vê a forma do SENHOR; como, pois, não temestes falar contra o meu servo, contra Moisés?

[9] E a ira do SENHOR contra eles se acendeu; e retirou-se.

[10] A nuvem afastou-se de sobre a tenda; e eis que Miriã achou-se leprosa, branca como neve; e olhou Arão para Miriã, e eis que estava leprosa.

[11] Então, disse Arão a Moisés: Ai! SENHOR meu, não ponhas, te rogo, sobre nós este

[2]Dúradar: “An trí Mhaois amháin a labhair an Tiarna? Nár labhair sé trínne chomh maith?” Chuala an Tiarna é sin.

[3]Anois bhí Maois sárumhal, bhí sé ar an duine ba umhla ar talamh.

[4]Labhair an Tiarna de gheit le Maois le hÁrón agus le Miriám: “Tagadh an triúr agaibh amach,” ar sé, “go Both na Teagmhála.” Chuadar a dtriúr,

[5]agus thuirling an Tiarna ina cholún néil agus sheas ag doras na Botha. Ghlaoigh sé ar Árón agus ar Mhiriám agus tháinig siad chun tosaigh.

[6]Dúirt an Tiarna: “Éistigí anois le mo bhriathra: Más fáidh aon duine in bhur measc, Cuirim mé féin in aithne dó i bhfis; Labhraím leis in aisling.

[7]Ach ní amhlaidh le Maois mo shearbhónta; Mo theach is baile dó;

[8]Labhraím leis béal ar bhéal, Go soiléir gan tomhaiseanna, Agus feiceann sé cló an Tiarna. “Conas, más ea, go bhfuil sé de dhánaíocht ionaibh, monabhar a dhéanamh in aghaidh mo shearbhónta Maois?”

[9]Las bladhm feirge an Tiarna ina gcoinne. D'imigh sé leis.

[10]Chomh luath agus a d'imigh an néal ón mBoth, ba shin Miriám ina lobhar, chomh geal le sneachta. Chas Árón agus d'fhéach uirthi; b'shiúd í ina lobhar.

[11]Dúirt Árón le Maois: “Fóir orainn, a thiarna! Ná hagair orainn peaca a

pecado, pois loucamente procedemos e pecamos.

12 Ora, não seja ela como um aborto, que, saindo do ventre de sua mãe, tenha metade de sua carne já consumida.

13 Moisés clamou ao SENHOR, dizendo: Ó Deus, rogo-te que a cures.

14 Respondeu o SENHOR a Moisés: Se seu pai lhe cuspira no rosto, não seria envergonhada por sete dias? Seja detida sete dias fora do arraial e, depois, recolhida.

15 Assim, Miriã foi detida fora do arraial por sete dias; e o povo não partiu enquanto Miriã não foi recolhida.

16 Porém, depois, o povo partiu de Hazerote e acampou-se no deserto de Parã.

Números 13

Doze homens são enviados para espiar a terra de Canaã

Deuteronômio 1.19-25

1 Disse o SENHOR a Moisés:

2 Envia homens que espiem a terra de Canaã, que eu hei de dar aos filhos de Israel; de cada tribo de seus pais enviareis um homem, sendo cada qual príncipe entre eles.

3 Enviou-os Moisés do deserto de Parã, segundo o mandado do SENHOR; todos aqueles homens eram cabeças dos filhos de Israel.

rinneamar le baois ach ina bhfuilimid ciontach.

12Ná bíodh sí mar árrachtach ag teacht ó bhroinn a mháthar agus leath a chuid feola lofa."

13Ghuigh Maois go hard chun an Tiarna: "A Dhia," ar sé, "leigheas í le do thoil, impím ort!"

14Ansin dúirt an Tiarna le Maois: "Mura ndéanfadh a hathair ach seile a chaitheamh san aghaidh uirthi, nach mbeadh sí ina ceap náire ar feadh seacht lá? Cuirtear ar leithrigh amach ón gcampa í ar feadh seacht lá, agus ansin ina dhiaidh sin tugtar isteach arís í."

15Cuireadh Miriám ar leithrigh dá bhrí sin amach ón gcampa ar feadh seacht lá agus níor chuir an pobal chun bealaigh gur tugadh Miriám isteach arís.

16Ansin d'imigh na daoine ó Hazaerót agus shuíodar campa i bhfásach Phárán.

Uimhreacha 13

Taiscéalaíocht

1Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

2"Seol amach fir, fear as gach treibh, chun tír Chanán atá á thabhairt agam do chlann Iosrael a spiúnadh. Seol ceannaire gach treibhe."

3Faoi ordú an Tiarna dá bhrí sin sheol Maois iad ó fhásach Phárán; ba cheannairí ar chlann Iosrael na fir seo go léir;

[4] São estes os seus nomes: da tribo de Rúben, Samua, filho de Zacur;	[4]is iad seo a n-ainmneacha: Thar ceann treibh Reúbaen, Seamua mac Zacúr.
[5] da tribo de Simeão, Safate, filho de Hori;	[5]Thar ceann treibh Shímeon, Seáfát mac Hóraí.
[6] da tribo de Judá, Calebe, filho de Jefoné;	[6]Thar ceann treibh Iúdá, Cálaeb mac Iafuna.
[7] da tribo de Issacar, Jigeal, filho de José;	[7]Thar ceann treibh Íosácár, Igeal mac Iósaef.
[8] da tribo de Efraim, Oseias, filho de Num;	[8]Thar ceann treibh Eafráim, Hóiséa mac Nún.
[9] da tribo de Benjamim, Palti, filho de Rafu;	[9]Thar ceann treibh Bhiniáimin, Pailtí mac Ráfú.
[10] da tribo de Zebulom, Gadiel, filho de Sodi;	[10]Thar ceann treibh Zabúlun, Gaidíéil mac Shóidí.
[11] da tribo de José, pela tribo de Manassés, Gadi, filho de Susi;	[11]Thar ceann treibh Iósaef, thar ceann treibh Mhanaise, Gaidí mac Shúsaí.
[12] da tribo de Dã, Amiel, filho de Gemali;	[12]Thar ceann treibh Dhán, Aimíael mac Ghamaillí.
[13] da tribo de Aser, Setur, filho de Micael;	[13]Thar ceann treibh Áiséar, Satúr mac Mhíocáéil.
[14] da tribo de Naftali, Nabi, filho de Vofsi;	[14]Thar ceann treibh Naftáilí, Nachbaí mac Vofsaí.
[15] da tribo de Gade, Geuel, filho de Maqui.	[15]Thar ceann treibh Ghád, Geúéil mac Mhácaí.
[16] São estes os nomes dos homens que Moisés enviou a espiar aquela terra; e a Oseias, filho de Num, Moisés chamou Josué.	[16]Sin iad ainmneacha na ndaoine a sheol Maois uaidh ag taiscéaladh na tíre. Ansin thug Maois an t-ainm Iósua ar Hóiséa mac Nún.
[17] Enviou-os, pois, Moisés a espiar a terra de Canaã; e disse-lhes: Subi ao Neguebe e penetrai nas montanhas.	[17]Chuir Maois uaidh iad chun taiscéaladh a dhéanamh ar Chanán. “Téigí suas isteach san Neigib,” ar sé leo, “agus as sin go dtí na hardáin;
[18] Vede a terra, que tal é, e o povo que nela habita, se é forte ou fraco, se poucos ou muitos.	[18]faighigí amach cén sórt tíre é, agus cén sórt iad lucht a áitrithe, an tréan nó lag dóibh, an tiubh nó gann dóibh;

[19] E qual é a terra em que habita, se boa ou má; e que tais são as cidades em que habita, se em arraiais, se em fortalezas.

[20] Também qual é a terra, se fértil ou estéril, se nela há matas ou não. Tende ânimo e trazei do fruto da terra. Eram aqueles dias os dias das primícias das uvas.

[21] Assim, subiram e espiaram a terra desde o deserto de Zim até Reobe, à entrada de Hamate.

[22] E subiram pelo Neguebe e vieram até Hebrom; estavam ali Aimã, Sesai e Talmai, filhos de Anaque (Hebrom foi edificada sete anos antes de Zoã, no Egito).

[23] Depois, vieram até ao vale de Escol e dali cortaram um ramo de vide com um cacho de uvas, o qual trouxeram dois homens numa vara, como também romãs e figos.

[24] Esse lugar se chamou o vale de Escol, por causa do cacho que ali cortaram os filhos de Israel.

O relatório dos espias recebido com incredulidade

Deuteronômio 1.26-33

[25] Ao cabo de quarenta dias, voltaram de espiar a terra,

[26] caminharam e vieram a Moisés, e a Arão, e a toda a congregação dos filhos de Israel no deserto de Parã, a Cades; deram-lhes conta, a eles e a toda a congregação, e mostraram-lhes o fruto da terra.

[27] Relataram a Moisés e disseram: Fomos à terra a que nos enviaste; e,

[19]an talamh maith nó drochthalamh atá fúthu; cén sórt bailte atá acu, an bhfuilid gan chosaint nó an caisil iad;

[20]an bhfuil an ithir féin saibhir nó bocht, faoi choillte nó a mhalairt. Bíodh misneach agaibh agus tugaigí cuid de thorthaí na tíre ar ais libh." Ba é séasur na bhfíniúna luatha é.

[21]Chuadar suas dá bhrí sin, chun an tír a bhrath, ó fhásach Zin go dtí Rachob agus Bealach Hamát.

[22]Ghabhadar ó thuaidh fan an Neigib go dtí Heabrón mar a raibh cónaí ar chlann Anac, Aichíomán agus Séisea agus Talmai (bunaíodh Heabrón seacht mbliana roimh Zoan san Éigipt).

[23]Thángadar go dtí Gleann Eisciol agus ghearradar craobh fíniúna ann le crobhaing caor; thug beirt acu leo í ar chuaille eatarthu; thugadar leo chomh maith pomagránaití agus figí.

[24]Tugadh Gleann Eisciol ("Crobhaing") ar an áit ón gcrobhaing a ghearr clann Iosrael anuas ansiúd.

[25]Tar éis daichead lá d'fhilleadar óna dtaiscéaladh ar an tír.

[26]Thángadar go dtí Maois, Árón agus go comhthionól uile chlann Iosrael i bhfásach Pharán ag Cáidéis. Thugadar a dtuairisc dóibhsean agus don chomhthionól go léir agus thaispeánadar torthaí na tíre dóibh.

[27]Mar seo a dúradar: "Ghabhamar isteach sa tír inar sheol tú sinn; tá bainne agus mil

verdadeiramente, mana leite e mel; este é o fruto dela.

[28] O povo, porém, que habita nessa terra é poderoso, e as cidades, mui grandes e fortificadas; também vimos ali os filhos de Anaque.

[29] Os amalequitas habitam na terra do Neguebe; os heteus, os jebuseus e os amorreus habitam na montanha; os cananeus habitam ao pé do mar e pela ribeira do Jordão.

[30] Então, Calebe fez calar o povo perante Moisés e disse: Eia! Subamos e possuamos a terra, porque, certamente, prevaleceremos contra ela.

[31] Porém os homens que com ele tinham subido disseram: Não poderemos subir contra aquele povo, porque é mais forte do que nós.

[32] E, diante dos filhos de Israel, infamaram a terra que haviam espiado, dizendo: A terra pelo meio da qual passamos a espiar é terra que devora os seus moradores; e todo o povo que vimos nela são homens de grande estatura.

[33] Também vimos ali gigantes (os filhos de Anaque são descendentes de gigantes), e éramos, aos nossos próprios olhos, como gafanhotos e assim também o éramos aos seus olhos.

Números 14

Sedição do povo

ina slaoda ann, go deimhin, agus seo cuid dá thoradh.

[28]Dream cumhachtach iad siúd a chónaíonn ann áfach; tá cóir chosanta ar a mbailte agus tá siad an-mhór; agus, sea, chonaiceamar sliocht Anac ann.

[29]Tá seilbh ag an Amailéiceach ar dhúiche an Neigib; ag an Hiteach an Amórach agus an Iabúsach ar na hardáin, agus ag an gCanánach ar fheorainn na farraige agus na Iordaine.”

[30]Bhí Cálaeb ag gríosú na ndaoine i láthair Mhaois agus dúirt: “Ar aghaidh linn gan mhoill agus gabhaimís seilbh ar an tír seo; is féidir dúinn é a smachtú.”

[31]Ach dúirt na daoine a chuaigh suas fairis: “Ní féidir dúinn máirseáil i gcoinne na ndaoine seo; is treise iad ná sinne.”

[32]Ansin chromadar ar thromaíocht le clann Iosrael ar an tír a bhí braite acu: “An tír a ndeachamar ag taiscéaladh air, is tír é a alpann lucht a áitrithe. Bhí toirt ainspianta i ngach fear dá bhfacamar ann.

[33]Chonaiceamar, chonaiceamar sin, fathaigh ann (clann Anac, sliocht na bhfathach) agus ba gheall le dreoilíní teaspaigh sinn féin, dar linn, agus bhíodarsan den tuairim gur míoltóga sinn.”

Uimhreacha 14

Easumhlaíocht Iosrael - Fearg an Tiarna

[1] Levantou-se, pois, toda a congregação e gritou em voz alta; e o povo chorou aquela noite.

[2] Todos os filhos de Israel murmuraram contra Moisés e contra Arão; e toda a congregação lhes disse: Tomara tivéssemos morrido na terra do Egito ou mesmo neste deserto!

[3] E por que nos traz o SENHOR a esta terra, para cairmos à espada e para que nossas mulheres e nossas crianças sejam por presa? Não nos seria melhor voltarmos para o Egito?

[4] E diziam uns aos outros: Levantemos um capitão e voltemos para o Egito.

[5] Então, Moisés e Arão caíram sobre o seu rosto perante a congregação dos filhos de Israel.

[6] E Josué, filho de Num, e Calebe, filho de Jefoné, dentre os que espiaram a terra, rasgaram as suas vestes

[7] e falaram a toda a congregação dos filhos de Israel, dizendo: A terra pelo meio da qual passamos a espiar é terra muitíssimo boa.

[8] Se o SENHOR se agradar de nós, então, nos fará entrar nessa terra e no-la dará, terra que mana leite e mel.

[9] Tão-somente não sejais rebeldes contra o SENHOR e não temais o povo dessa terra, porquanto, como pão, os podemos

[1]Ansin thóg an comhthionól uile gáir in ard a gcinn agus bhí na daoine ag lógóireacht ar feadh na hoíche ar fad.

[2]Chrom clann Iosrael go léir ag monabhar in aghaidh Mhaois agus Árón, agus dúirt an comhthionól uile leo: “Uch nach bhfuaireamar bás i dtír na hÉigipte! nó ar a laghad nach bhfuaireamar bás san fhásach seo!

[3]Cad ab áil leis an Tiarna dár dtabhairt isteach sa tír seo d'fhonn go dtitimís de rinn claímh agus go ngabhfaí ár mná agus ár miondaoine mar chreach? Nárbh fhearr dúinn filleadh ar an Éigipt?”

[4]Dúradar le chéile ansin: “Ceapaimís ceannaire agus fillimís ar an Éigipt.”

[5]Ansin chaith Maois agus Árón iad féin ar a mbéal agus ar a bhfiacla os comhair chruinniú chomhthionól chlann Iosrael go léir.

[6]Iósua mac Nún agus Cálaeb mac Iafuna, beirt de lucht braite na tíre, stróic siad a n-éadaí,

[7]agus dúradar le comhthionól chlann Iosrael go léir: “An tír a ghabhamar á thaiscéaladh, is tír mhaith é, tír fhónta.

[8]Má bhíonn an Tiarna sásta linn, seolfaidh sé isteach sa tír seo sinn agus tabharfaidh sé dúinn é. Is tír é ina bhfuil bainne agus mil ina slaoda.

[9]Ná déanaigí ceannairc in aghaidh an Tiarna. Ná bíodh eagla oraibh roimh mhuintir na tíre seo; déanfaimid iad a alpadh. Tá scáil a gcumhdaithe scartha

devorar; retirou-se deles o seu amparo; o SENHOR é conosco; não os temais.

[10] Apesar disso, toda a congregação disse que os apedrejassem; porém a glória do SENHOR apareceu na tenda da congregação a todos os filhos de Israel.

[11] Disse o SENHOR a Moisés: Até quando me provocará este povo e até quando não crerá em mim, a despeito de todos os sinais que fiz no meio dele?

[12] Com pestilência o ferirei e o deserdarei; e farei de ti povo maior e mais forte do que este.

Moisés intercede pelo povo

[13] Respondeu Moisés ao SENHOR: Os egípcios não somente ouviram que, com a tua força, fizeste subir este povo do meio deles,

[14] mas também o disseram aos moradores desta terra; ouviram que tu, ó SENHOR, estás no meio deste povo, que face a face, ó SENHOR, lhes apareces, tua nuvem está sobre eles, e vais adiante deles numa coluna de nuvem, de dia, e, numa coluna de fogo, de noite.

[15] Se matares este povo como a um só homem, as gentes, pois, que, antes, ouviram a tua fama, dirão:

[16] Não podendo o SENHOR fazer entrar este povo na terra que lhe prometeu com juramento, os matou no deserto.

leo, fad tá an Tiarna inár gcoimhdeacht. Na bíodh eagla oraibh rompu.”

[10]Ag caint ar ghabháil de chlocha orthu a bhí an comhthionól go léir nuair a thaispeáin glóir an Tiarna í féin ag Both na Teagmhála do chlann Iosrael.

[11]Dúirt an Tiarna le Maois: “An fada a bheidh an pobal seo do mo mhaslú? An fada a dhiúltóidh siad creideamh ionam d'ainneoin na gcomharthaí go léir a rinne mé ina measc?

[12]Buailfidh mé le plá iad agus fágfaidh mé gan oidhreacht iad; agus déanfaidh mé cine nua díotsa, cine is mó agus is treise ná iad.”

[6]Ansin faigheadh an sagart adhmad céadrais, íosóip, agus ábhar craorag agus caitheadh sé iad ar lasair na bó á loscadh.

[7] Então, o sacerdote lavará as vestes, e banhará o seu corpo em água, e, depois, entrará no arraial, e será imundo até à tarde.

[7]Ansin níodh an sagart a éide agus déanadh sé a chorp a ionladh in uisce; ní miste dó filleadh ar an gcampa ina dhiaidh sin, ach bíodh sé neamhghlan go nóin.

[8] Também o que a queimou lavará as suas vestes com água, e em água banhará o seu corpo, e imundo será até à tarde.

[8]An té a loisc an bhó, ní mór dó a éide a ní agus a chorp a ionladh in uisce, agus a bheith neamhghlan go nóin.

[9] Um homem limpo ajuntará a cinza da novilha e a depositará fora do arraial, num lugar limpo, e será ela guardada para a congregação dos filhos de Israel, para a água purificadora; é oferta pelo pecado.

[9]Bailíodh duine atá glan luaithreach na bó, agus caitheadh sé in áit ghlan é lasmuigh den champa. Ní foláir é a choimeád i gcomhair chomhthionól chlann Iosrael le huisce na neamhghlaine a dhéanamh; is íobairt scriosta peaca í.

[10] O que apanhou a cinza da novilha lavará as vestes e será imundo até à tarde; isto será por estatuto perpétuo aos filhos de Israel e ao estrangeiro que habita no meio deles.

[10]An té a bhailigh luaithreach na bó, níodh sé a éide agus bíodh sé neamhghlan go nóin. Bíodh seo ina reacht síoraí do chlann Iosrael agus don choimhthíoch ag cur faoi in bhur measc.

Neamhghlaine - Uisce na Neamhghlaine

[11] Aquele que tocar em algum morto, cadáver de algum homem, imundo será sete dias.

[11]“An té a bhaineann le corpán mairbh ar bith, bíodh sé neamhghlan ar feadh seacht lá.

[12] Ao terceiro dia e ao sétimo dia, se purificará com esta água e será limpo; mas, se ao terceiro dia e ao sétimo não se purificar, não será limpo.

[12]Déanfaidh sé é féin a ionladh leis na huiscí seo ar an tríú agus ar an seachtú lá, agus beidh sé glan. Ach mura ndéanann sé

é féin a íonghlanadh ar an tríú agus an seachtú lá, ní bheidh sé glan.

13 Todo aquele que tocar em algum morto, cadáver de algum homem, e não se purificar, contamina o tabernáculo do SENHOR; essa pessoa será eliminada de Israel; porque a água purificadora não foi aspergida sobre ele, imundo será; está nele ainda a sua imundícia.

13An té a bhaineann le corpán mairbh, is cuma cé hé, agus nach ndéanann é féin a íonghlanadh, truaillíonn sé taibearnacal an Tiarna. Ní foláir an duine sin a ghearradh amach ó Iosrael, mar nár ghabh uiscí na neamhghlaine thairis; bíonn sé neamhghlan; leanann a neamhghlaine de.

14 Esta é a lei quando morrer algum homem em alguma tenda: todo aquele que entrar nessa tenda e todo aquele que nela estiver serão imundos sete dias.

14“Seo é an dlí sa chás go bhfaigheann duine bás i mboth: aon duine a théann isteach sa bhoth, nó aon duine a bhíonn istigh ann cheana, bíodh sé neamhghlan ar feadh seacht lá.

15 Também todo vaso aberto, sobre que não houver tampa amarrada, será imundo.

15Ar an gcuma chéanna, gach soitheach oscailte nár iadh clab ná clúid air, bíodh sé neamhghlan.

16 Todo aquele que, no campo aberto, tocar em alguém que for morto pela espada, ou em outro morto, ou nos ossos de algum homem, ou numa sepultura será imundo sete dias.

16Aon duine a bhaineann le fear a maraíodh le claíomh lasmuigh sa mhachaire, nó le fear a cailleadh, nó le cnámharlach duine, nó le huaigh, bíodh sé neamhghlan ar feadh seacht lá.

17 Para o imundo, pois, tomarão da cinza da queima da oferta pelo pecado e sobre esta cinza porão água corrente, num vaso.

17“Ar mhaithe leis an té atá neamhghlan ar an gcuma seo, tógtar cuid de luaithreach an íobairt pheaca a loisceadh; cuirtear fíoruisce leis i soitheach.

18 Um homem limpo tomará hissopo, e o molhará naquela água, e a aspergirá sobre aquela tenda, e sobre todo utensílio, e sobre as pessoas que ali estiverem; como também sobre aquele que tocar nos ossos, ou em alguém que foi morto, ou que faleceu, ou numa sepultura.

18Ansin faigheadh duine íonghlan craobh íosóipe agus tumadh san uisce agus croitheadh ar an mboth é, agus ar na soithí agus ar na daoine go léir atá istigh ann, agus ar an té a bhain leis an gcnámharlach, nó le corp an mhairbh - is cuma an bás de ghoin nó bás uaidh féin a fuair sé - nó leis an uaigh.

[19] O limpo aspergirá sobre o imundo ao terceiro e sétimo dias; purificá-lo-á ao sétimo dia; e aquele que era imundo lavará as suas vestes, e se banhará na água, e à tarde será limpo.

[20] No entanto, quem estiver imundo e não se purificar, esse será eliminado do meio da congregação, porquanto contaminou o santuário do SENHOR; água purificadora sobre ele não foi aspergida; é imundo.

[21] Isto lhes será por estatuto perpétuo; e o que aspergir a água purificadora lavará as suas vestes, e o que tocar a água purificadora será imundo até à tarde.

[22] Tudo o que o imundo tocar também será imundo; e quem o tocar será imundo até à tarde.

Números 20

A morte de Miriã

[1] Chegando os filhos de Israel, toda a congregação, ao deserto de Zim, no mês primeiro, o povo ficou em Cades. Ali, morreu Miriã e, ali, foi sepultada.

Moisés fere a rocha em Meribá

[2] Não havia água para o povo; então, se ajuntaram contra Moisés e contra Arão.

[3] E o povo contendeu com Moisés, e disseram: Antes tivéssemos perecido

[19]Agus croitheadh an t-íonghlan ar an neamhghlan an tríú agus an seachtú lá, agus an seachtú lá beidh a ghlanadh curtha i gcrích aigesean. Ní foláir don neamhghlan a chuid éadaigh a ní agus é féin a ionladh in uisce agus beidh sé glan um nóin.

[20]Mura ndéanann duine neamhghlan é féin a ghlanadh, gearrtar amach ón gcomhthionól é, óir thruailleodh sé sanctóir an Tiarna. Níor ghabh uiscí na neamhghlaine thairis; tá sé neamhghlan.

[21]“Bíodh seo ina dhlí síoraí acu: an té a chroitheann uisce na neamhghlaine, níodh sé a chuid éadaigh, agus an té a bhainfidh le huisce na neamhghlaine, bíodh sé neamhghlan go nóin.

[22]Aon rud a mbainfidh an neamhghlan leis, bíodh sé neamhghlan, agus aon duine a bhainfidh leis sin arís, bíodh sé neamhghlan go nóin.”

Uimhreacha 20

Uiscí Mhiríbeá

[1]An chéad mhí tháinig clann Iosrael, an comhthionól go léir, isteach i bhfásach Zin. Chuir na daoine fúthu i gCáidéis. Ansiúd a fuair Miriám bás agus a adhlacadh í.

[2]Ní raibh uisce ann don chomhthionól, agus chuireadar go léir le chéile in aghaidh Mhaois agus Árón.

[3]Thug an pobal a ndúshlán faoi Mhaois: “Uch gan sinn a fháil bháis,” ar siad, “mar

quando expiraram nossos irmãos perante o SENHOR!

[4] Por que trouxestes a congregação do SENHOR a este deserto, para morrermos aí, nós e os nossos animais?

[5] E por que nos fizestes subir do Egito, para nos trazer a este mau lugar, que não é de cereais, nem de figos, nem de vides, nem de romãs, nem de água para beber?

[6] Então, Moisés e Arão se foram de diante do povo para a porta da tenda da congregação e se lançaram sobre o seu rosto; e a glória do SENHOR lhes apareceu.

[7] Disse o SENHOR a Moisés:

[8] Toma o bordão, ajunta o povo, tu e Arão, teu irmão, e, diante dele, falai à rocha, e dará a sua água; assim lhe tirareis água da rocha e dareis a beber à congregação e aos seus animais.

[9] Então, Moisés tomou o bordão de diante do SENHOR, como lhe tinha ordenado.

[10] Moisés e Arão reuniram o povo diante da rocha, e Moisés lhe disse: Ouvi, agora, rebeldes: porventura, faremos sair água desta rocha para vós outros?

[11] Moisés levantou a mão e feriu a rocha duas vezes com o seu bordão, e saíram

a fuair ár mbráithre bás i láthair an Tiarna!

[4]Cad ab áil libh ag tabhairt comhthionól an Tiarna amach san fhásach seo, díreach d'fhonn go bhfaighimís bás anseo - sinn féin agus ár n-eallach?

[5]Cén fáth ar sheol sibh amach as an Éigipt sinn le teacht chun na háite danartha seo? Ní aon áit é d'arbhar, ná do fhigí, do fhíniúna ná do phomagránaití agus níl aon uisce le hól ann."

[6]Ansin d'imigh Maois agus Árón ón gcomhthionól agus tháinig go doras Bhoth na Teagmhála. Chaitheadar iad féin ar a mbéal agus ar a bhfiacla ar an talamh, agus thaispeáin gloir an Tiarna í féin dóibh.

[7]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[8]"Tóg an tslat agus cruinnigh an pobal, tú féin agus do dhearthháir Árón, agus ansin os comhair a súl, ordaígí don charraig a huisce a thabhairt uaithi. Cuirfidh tú uisce ag sní as an gcarraig dóibh agus tabharfaidh tú deoch don chomhthionól agus dá eallach."

[9]Thóg Maois an chraobh ó láthair an Tiarna mar a d'ordaigh sé dó.

[10]Ansin ghair Maois agus Árón an comhthionól le chéile os comhair na carraige agus dúirt leo: "Éistigí anois a lucht na ceannairce! An dtabharfaimid uisce ina shruth as an gcarraig seo daoibh?"

[11]D'ardaigh Maois a lámh agus bhuail sé an charraig faoi dhó leis an tslat, agus

muitas águas; e bebeu a congregação e os seus animais.

[12] Mas o SENHOR disse a Moisés e a Arão: Visto que não crestes em mim, para me santificardes diante dos filhos de Israel, por isso, não fareis entrar este povo na terra que lhe dei.

[13] São estas as águas de Meribá, porque os filhos de Israel contenderam com o SENHOR; e o SENHOR se santificou neles.

Moisés solicita passagem por Edom

[14] Enviou Moisés, de Cades, mensageiros ao rei de Edom, a dizer-lhe: Assim diz teu irmão Israel: Bem sabes todo o trabalho que nos tem sobrevindo;

[15] como nossos pais desceram ao Egito, e nós no Egito habitamos muito tempo, e como os egípcios nos maltrataram, a nós e a nossos pais;

[16] e clamamos ao SENHOR, e ele ouviu a nossa voz, e mandou o Anjo, e nos tirou do Egito. E eis que estamos em Cades, cidade nos confins do teu país.

[17] Deixa-nos passar pela tua terra; não o faremos pelo campo, nem pelas vinhas, nem beberemos a água dos poços; iremos pela estrada real; não nos desviaremos para a direita nem para a esquerda, até que passemos pelo teu país.

[18] Porém Edom lhe disse: Não passarás por mim, para que não saia eu de espada ao teu encontro.

tháinig uisce amach ina thuile agus d'ól an comhthionól agus a n-eallach deoch.

[12]Ansin dúirt an Tiarna le Maois agus le hÁrón: “De bhrí nár chreid sibh go bhféadfainn mé féin a naomhú os comhair súile chlann Iosrael, ní threoróidh sibh an pobal seo isteach sa tír atá á thabhairt agam dóibh.”

[13]Sin iad uiscí Mhiríbeá (Conspóide) mar a raibh clann Iosrael ag conspóid leis an Tiarna agus gur thaispeáin sé gur naofa é ina measc.

Eadóm

[14]Sheol Maois teachtairí ó Cháidéis: “Do rí Eadóm. Teachtaireacht ó do bhráthair Iosrael. Is maith is eol duit an cruatan go léir a luigh orainn;

[15]chuaigh ár sinsir síos go dtí an Éigipt agus d'fhanamar ann tamall fada. Ach thug na hÉigiptigh drochíde orainn mar a thugadar ar ár sinsir.

[16]Ghlaomar chun an Tiarna; d'éist sé linn agus chuir sé aingeal chugainn chun sinn a thabhairt amach as an Éigipt. Táimid anois i gCáidéis, cathair ar imeall do chríche.

[17]Lig dúinn gabháil trí do thír. Ní rachaimid trí ghort ná trí fhíonghort, ná ní ólfaimid uisce as tobar. Tabharfaimid bóthar an rí orainn féin gan casadh ar dheis ná ar chlé go dtí go mbeimid imithe thar do theorainneacha.”

[18]Ach d'fhreagair Eadóm é: “Ná gabh trí mo chríochasa nó tiocfaidh mé amach chun tú a ionsaí.”

[19] Então, os filhos de Israel lhe disseram: Subiremos pelo caminho trilhado, e, se eu e o meu gado bebermos das tuas águas, pagarei o preço delas; outra coisa não desejo senão passar a pé.

[20] Porém ele disse: Não passarás. E saiu-lhe Edom ao encontro, com muita gente e com mão forte.

[21] Assim recusou Edom deixar passar a Israel pelo seu país; pelo que Israel se desviou dele.

A morte de Arão

Números 33.38,39

[22] Então, partiram de Cades; e os filhos de Israel, toda a congregação, foram ao monte Hor.

[23] Disse o SENHOR a Moisés e a Arão no monte Hor, nos confins da terra de Edom:

[24] Arão será recolhido a seu povo, porque não entrará na terra que dei aos filhos de Israel, pois fostes rebeldes à minha palavra, nas águas de Meribá.

[25] Toma Arão e Eleazar, seu filho, e faze-os subir ao monte Hor;

[26] depois, despe Arão das suas vestes e veste com elas a Eleazar, seu filho; porque Arão será recolhido a seu povo e aí morrerá.

[27] Fez Moisés como o SENHOR lhe ordenara; subiram ao monte Hor, perante os olhos de toda a congregação.

[28] Moisés, pois, despiu a Arão de suas vestes e vestiu com elas a Eleazar, seu filho; morreu Arão ali sobre o cimo do monte; e dali desceram Moisés e Eleazar.

[19]Dúirt clann Iosrael leis: “An bóthar mór a gheobhfaimid; má ólaimid aon chuid de d'uisce, mise féin nó m'eallach, díolfaidh mé as. Lig dom gabháil tríd an tír de chois, sin uile.”

[20]D'fhreagair Eadóm: “Ní dhéanfaidh sibh,” agus tháinig Eadóm amach ina n-aghaidh le slua mór agus le tréan-neart.

[21]Dhiúltaigh Eadóm cead slí trína chríocha d'Iosrael, ar an gcuma sin, agus chas Iosrael i leataobh uaidh.

Bás Árón

[22]Chuireadar chun bothair ó Cháidéis agus tháinig comhthionól chlann Iosrael go léir go Sliabh Hor.

[23]Labhair an Tiarna le Maois agus le hÁrón ag Sliabh Hor ar theorainn chríocha Eadóm.

[24]“Ní foláir,” ar sé, “Árón a chruinniú chun a mhuintire; óir níl sé le dul isteach sa tír a thug mé do chlann Iosrael, óir rinne sibh ceannairc i m'aghaidh ag uiscí Mhiríbeá.

[25]Beir leat Árón agus a mhac Eileázár agus tabhair suas go Sliabh Hor iad.

[26]Ansin bain a éidí d'Árón agus cuir ar a mhac Eileázár iad; cruinneofar Árón chun a mhuintire agus gheobhaidh sé bás ansiúd.”

[27]Rinne Maois mar a d'ordaigh an Tiarna. Chuadar suas go Sliabh Hor i radharc an chomhthionóil uile.

[28]Bhain Maois a éidí d'Árón agus chuir ar Eileázár a mhac iad. Agus fuair Árón bás ansiúd ar bharr an tsléibhe. Ansin tháinig Maois agus Eileázár anuas ón sliabh.

[29] Vendo, pois, toda a congregação que Arão era morto, choraram por Arão trinta dias, isto é, toda a casa de Israel.

Números 21

Derrota do rei de Arade

[1] Ouvindo o cananeu, rei de Arade, que habitava no Neguebe, que Israel vinha pelo caminho de Atarim, pelejou contra Israel e levou alguns deles cativos.

[2] Então, Israel fez voto ao SENHOR, dizendo: Se, de fato, entregares este povo nas minhas mãos, destruirei totalmente as suas cidades.

[3] Ouviu, pois, o SENHOR a voz de Israel e lhe entregou os cananeus. Os israelitas os destruíram totalmente, a eles e a suas cidades; e aquele lugar se chamou Horma.

A serpente de bronze

[4] Então, partiram do monte Hor, pelo caminho do mar Vermelho, a rodear a terra de Edom, porém o povo se tornou impaciente no caminho.

[5] E o povo falou contra Deus e contra Moisés: Por que nos fizestes subir do Egito, para que morramos neste deserto, onde não há pão nem água? E a nossa alma tem fastio deste pão vil.

[6] Então, o SENHOR mandou entre o povo serpentes abrasadoras, que mordiam o povo; e morreram muitos do povo de Israel.

[7] Veio o povo a Moisés e disse: Havemos pecado, porque temos falado contra o

[29]Nuair a chonaic an comhthionól go léir go raibh Árón tar éis bháis, chaoin teaghlach Iosrael Árón ar feadh deich lá fichead.

Uimhreacha 21

Gabháil Hormá

[1]Rí Arád, an Canánach a bhí ag cur faoi sa Neigib, chuala sé go raibh Iosrael ag teacht trí bhealach Atáraím. D'ionsaigh sé Iosrael agus ghabh sé roinnt priosúnach.

[2]Ansin mhóidigh Iosrael an mhóid seo don Tiarna: “Má thugann tú an mhuintir seo ar láimh dom, cuirfidh mé a gcathracha go léir faoi bhang.”

[3]D'éist an Tiarna le guth Iosrael agus thug na Canánaigh ar láimh dóibh; chuireadar faoi bhang iad, iad féin agus a gcathracha. Tugadh Hormá (Bang) ar an áit seo.

An Nathair Chré-Umha

[4]D'fhágadar Sliabh Hor ar feadh bhealach Mhuir Shúf, ag gabháil timpeall chríocha Eadóm. Bhris ar an bhfoighne ag an bpobal ar an tslí.

[5]Labhraíodar in aghaidh Dé agus in aghaidh Mhaois: “Cad ab áil libh dár dtabhairt amach as an Éigipt chun bás a fháil san fhásach? Óir tá an áit seo gan arán, gan uisce, agus is gráin linn an bia gan mhaith seo.”

[6]Ansin sheol Dia nathracha tintí i measc an phobail, agus chuireadar a gcealg sa phobal, agus fuair a lán in Iosrael bás.

[7]Tháinig an pobal go Maois agus dúradar: “Pheacaíomar lenár gcaint in aghaidh an

SENHOR e contra ti; ora ao SENHOR que tire de nós as serpentes. Então, Moisés orou pelo povo.

Tiarna agus i d'aghaidhse. Guigh chun an Tiarna á iarraidh air na nathracha a thógáil dínn.” Ghuigh Maois ar son an phobail.

8 Disse o SENHOR a Moisés: Faze uma serpente abrasadora, põe-na sobre uma haste, e será que todo mordido que a mirar viverá.

8Dúirt an Tiarna le Maois: “Déan nathair thintí agus cuir ar chuaille í, agus gach duine ina gcuirfear cealg, nuair a fhéachfaidh sé uirthi, mairfidh sé.”

9 Fez Moisés uma serpente de bronze e a pôs sobre uma haste; sendo alguém mordido por alguma serpente, se olhava para a de bronze, sarava.

9Dhealbhaigh Maois nathair chré-umha dá bhrí sin agus chuir ar chuaille í, agus nuair a chuireadh nathair cealg i nduine, d'fhéachadh sé ar an nathair chré-umha agus mhaireadh.

Jornadas dos israelitas

10 Então, partiram os filhos de Israel e se acamparam em Obote.

11 Depois, partiram de Obote e se acamparam em Ijé-Abarim, no deserto que está defronte de Moabe, para o nascente.

12 Dali, partiram e se acamparam no vale de Zerede.

13 E, dali, partiram e se acamparam na outra margem do Arnom, que está no deserto que se estende do território dos amorreus; porque o Arnom é o limite de Moabe, entre Moabe e os amorreus.

14 Pelo que se diz no Livro das Guerras do SENHOR: Vaebe em Sufa, e os vales do Arnom,

15 e o declive dos vales que se inclina para a sede de Ar e se encosta aos limites de Moabe.

16 Dali partiram para Beer; este é o poço do qual disse o SENHOR a Moisés: Ajunta o povo, e lhe darei água.

San Alliordáin

10Chuir clann Iosrael chun bealaigh agus shuíodar a gcampa in Obot.

11Ansin chuadar ó Obot agus shuíodar a gcampa in Ívé Abáraím san fhásach taobh le Móáb i dtreo éirí gréine.

12Chuireadar chun bealaigh uaidh sin agus shuíodar a gcampa i nGleann Zeirid.

13Chuireadar chun bealaigh uaidh sin agus shuíodar a gcampa lastall den Arnón. Tosaíonn an gleann fásaigh seo i gcríocha na nAmórach. Óir sí an Arnón teorainn Mhóáb, idir Móáb agus na hAmóraigh.

14Deirtear uime sin i Leabhar Chogaí an Tiarna: ...Váhaeb i Súfá, agus gleannta Arnón,

15agus sleasa na ngleannta a ritheann síos go láthair Ár, agus a chromann thar teorainn Mhóáb... agus ar aghaidh leo as sin go Béar -

16Is faoin tobar ansiúd a dúirt an Tiarna le Maois: “Cruinnigh an pobal le chéile agus tabharfaidh mé uisce dóibh.”

[17] Então, cantou Israel este cântico: Brota, ó poço! Entoai-lhe cânticos!

[18] Poço que os príncipes cavaram, que os nobres do povo abriram, com o cetro, com os seus bordões. Do deserto, partiram para Matana.

[19] E, de Matana, para Naaliel e, de Naaliel, para Bamote.

[20] De Bamote, ao vale que está no campo de Moabe, no cimo de Pisga, que olha para o deserto.

Vitória sobre Seom, rei de Hesbom

Deuteronômio 2.26-37

[21] Então, Israel mandou mensageiros a Seom, rei dos amorreus, dizendo:

[22] Deixa-me passar pela tua terra; não nos desviaremos pelos campos nem pelas vinhas; as águas dos poços não beberemos; iremos pela estrada real até que passemos o teu país.

[23] Porém Seom não deixou passar a Israel pelo seu país; antes, reuniu todo o seu povo, e saiu ao encontro de Israel ao deserto, e veio a Jasa, e pelejou contra Israel.

[24] Mas Israel o feriu a fio de espada e tomou posse de sua terra, desde o Arnom até ao Jaboque, até aos filhos de Amom, cuja fronteira era fortificada.

[25] Assim, Israel tomou todas estas cidades dos amorreus e habitou em todas elas, em Hesbom e em todas as suas aldeias.

[17]Ansin is ea a chan Iosrael an laoi: “Sceith, a thobar! Canaigí dó!

[18]Na prionsaí a thochail, agus ceannairí an phobail a bhain, lena slat agus lena mbataí:” ...agus ón bhfásach go Matáná.

[19]Agus ó Mhatáná go Nachailíéil, agus ó Nachailíéil go Bámót,

[20]agus ó Bhámót go dtí an gleann a shíneann go críocha Mhóáb i dtreo mullach Phisceá atá ar imeall an fhásaigh.

[21]Ansin chuir Iosrael teachtairí go Síochon rí na nAmórach, á rá:

[22]“Lig dom gabháil trí do chríocha; ní rachaimid ar seachrán trí ghort ná trí fhíonghort, ná ní ólfaimid uisce as tobar. Tabharfaimid bóthar an rí orainn féin go dtí go mbeimid imithe thar do theorainneacha.”

[23]Ach ní ligfeadh Síochon d'Iosrael gabháil trína chríocha. Thionóil sé a chuid fear ar fad agus amach leis san fhásach in aghaidh Iosrael agus tháinig go Iáhaz, agus chuir cath ar Iosrael.

[24]Chuir Iosrael chun báis é de ghion claímh agus ghabh seilbh ar a chuid tailte ón Arnón go dtí an Iaboc, chomh fada le clann Amón, óir ba gharbh í teorainn chlann Amón.

[25]Ghabh Iosrael na cathracha seo go léir agus chuir Iosrael fúthu i gcathracha uile na nAmórach, i Heisbeon agus in gach baile dá chuid.

26 Porque Hesbom era cidade de Seom, rei dos amorreus, que tinha pelejado contra o precedente rei dos moabitas, de cuja mão tomara toda a sua terra até ao Arnom.

27 Pelo que dizem os poetas: Vinde a Hesbom! Edifique-se, estabeleça-se a cidade de Seom!

28 Porque fogo saiu de Hesbom, e chama, da cidade de Seom, e consumiu a Ar, de Moabe, e os senhores dos altos do Arnom.

29 Ai de ti, Moabe! Perdido estás, povo de Quemos; entregou seus filhos como fugitivos e suas filhas, como cativas a Seom, rei dos amorreus.

30 Nós os asseteamos; estão destruídos desde Hesbom até Dibom; e os assolamos até Nofa e com fogo, até Medeba.

Vitória sobre Ogue, rei de Basã

Deuteronômio 3.1-11

31 Assim, Israel habitou na terra dos amorreus.

32 Depois, mandou Moisés espiar a Jazer, tomaram as suas aldeias e desapossaram os amorreus que se achavam ali.

33 Então, voltaram e subiram o caminho de Basã; e Ogue, rei de Basã, saiu contra eles, ele e todo o seu povo, à peleja em Edrei.

34 Disse o SENHOR a Moisés: Não o temas, porque eu o dei na tua mão, a ele, e a todo o seu povo, e a sua terra; e far-lhe-ás como fizeste a Seom, rei dos amorreus, que habitava em Hesbom.

26Ba é Heisbeon príomhchathair Shíochon rí na nAmórach, an té a chuir cogadh ar chéad rí Mhóáb, agus a bhain a chríocha uile de chomh fada ó bhaile leis an Arnón.

27Uime sin canann baird: “[Misneach, a Heisbeon! Tusa atá dea-thógtha ar bhonn daingean!] A chathair Shíochon!

28Óir tháinig tine as Heisbeon, lasair as chathair Shíochon. D'alp sí Ár Mhóáb, agus shlog sí arda Arnón.

29Liach ortsa, Móáb! Tá deireadh libh a phobal Chamóis. Rinne sé teifigh dá mhaca, agus cimí dá iníonacha, cimí ag Síochon, rí na nAmórach.

30Scrios Heisbeon na leanaí chomh fada le Díobon, na mná chomh fada le Nofach, [na fir] chomh fada le Maedabá.”

31Chuir Iosrael fúthu ansin i dtír na nAmórach.

32Chuir Maois uaidh lucht taiscéalaithe ar Iazaer, agus ghabh Iosrael seilbh air féin agus ar na bailte go léir a bhí faoi, agus chuir sé na hAmóraigh go léir a bhí ann as seilbh.

33Ansin chasadar agus ghabhadar an bóthar i dtreo Bháiseán. Tháinig Óg rí Bháiseán amach ina n-aghaidh lena mhuintir go léir chun cath a chur ag Eidreí.

34Ach dúirt an Tiarna le Maois: “Ná bíodh eagla ort roimhe, óir tá sé tugtha agam i do láimh, é féin agus a mhuintir agus a thír. Déan leis mar a rinne tú le Síochon, rí na nAmórach, a mhair i Heisbeon.”

[35] De tal maneira o feriram, a ele, e a seus filhos, e a todo o seu povo, que nenhum deles escapou; e lhe tomaram posse da terra.

Números 22

Balaque envia mensageiros a Balaão

[1] Tendo partido os filhos de Israel, acamparam-se nas campinas de Moabe, além do Jordão, na altura de Jericó.
[2] Viu, pois, Balaque, filho de Zipor, tudo o que Israel fizera aos amorreus;
[3] Moabe teve grande medo deste povo, porque era muito; e andava angustiado por causa dos filhos de Israel;
[4] pelo que Moabe disse aos anciãos dos midianitas: Agora, lamberá esta multidão tudo quando houver ao redor de nós, como o boi lambe a erva do campo. Balaque, filho de Zipor, naquele tempo, era rei dos moabitas.
[5] Enviou ele mensageiros a Balaão, filho de Beor, a Petor, que está junto ao rio Eufrates, na terra dos filhos do seu povo, a chamá-lo, dizendo: Eis que um povo saiu do Egito, cobre a face da terra e está morando defronte de mim.

[6] Vem, pois, agora, rogo-te, amaldiçoa-me este povo, pois é mais poderoso do que eu; para ver se o poderei ferir e lançar fora da terra, porque sei que a quem tu abençoares será abençoado, e a quem tu amaldiçoares será amaldiçoado.

[35]Bhriseadar air dá bhrí sin, agus ar a mhic agus ar a mhuintir: níor fágadh fear inste scéil díobh. Ghabhadar seilbh ar a chríocha.

Uimhreacha 22

Balám

[1]Ansin chuir clann Iosrael chun siúil agus shuíodar a gcampa i machairí Mhóáb, lastall den Iordáin, os comhair Ireachó.
[2]Chonaic Bálác mac Zipeor gach a raibh déanta ag Iosrael leis na hAmóraigh.
[3]Agus tháinig scéin ar Mhóáb roimh an bpobal seo ar a líonmhaire; bhí eagla ar Mhóáb roimh chlann Iosrael.

[4]Dúirt sé le seanóirí Mhidián: “Seo an mathshlua seo ag crinneadh gach ní inár dtimpeall mar a chrinnfeadh damh féar na mbánta.” Ba é Bálác mac Zipeor rí Mhóáb an t-am sin.

[5]Sheol sé teachtairí ag gairm Balám mac Bheór, i bPatór ar an Abhainn, i dtír chlann Amau, á rá: “Féach tá an dream seo tagtha as an Éigipt agus tá lámh tugtha acu thar chlár na talún; tá curtha fúthu acu ar mo thairseach.
[6]Tar, le do thoil, agus cuir mallacht ar an dream seo dom, mar tá siad róthréan dom. Ansin b'fhéidir go bhféadfainn an lámh in uachtar a fháil orthu agus iad a thiomáint as an tír. Óir is maith is eol dom gur beannaithe an té ar a gcuireann tú do bheannacht, agus gur mallaithe an té ar a gcuireann tú do mhallacht.”

[7] Então, foram-se os anciãos dos moabitas e os anciãos dos midianitas, levando consigo o preço dos encantamentos; e chegaram a Balaão e lhe referiram as palavras de Balaque.

[7]Chuir seanóirí Mhóáb agus seanoirí Mhidián chun siúil agus na sintiúis don asarlaíocht acu, agus thángadar go Balám agus thug dó teachtaireacht Bhálác.

[8] Balaão lhes disse: Ficai aqui esta noite, e vos trarei a resposta, como o SENHOR me falar; então, os príncipes dos moabitas ficaram com Balaão.

[8]“Fanaigí anseo thar oíche,” ar sé leo, “agus tabharfaidh mé freagra ar ais chugaibh de réir mar a déarfaidh an Tiarna liom.” D'fhan prionsaí Mhóáb le Balám.

[9] Veio Deus a Balaão e disse: Quem são estes homens contigo?

[9]Tháinig Dia go Balám agus dúirt: “Cé hiad na fir seo ag fanúint farat?”

[10] Respondeu Balaão a Deus: Balaque, rei dos moabitas, filho de Zipor, os enviou para que me dissessem:

[10]D'fhreagair Balám Dia: “Bálác mac Zipeor rí Mhóáb, chuir sé an teachtaireacht seo chugam:

[11] Eis que o povo que saiu do Egito cobre a face da terra; vem, agora, amaldiçoa-mo; talvez eu possa combatê-lo e lançá-lo fora.

[11]‘Féach tá an dream seo tagtha as an Éigipt agus tá lámh tugtha acu thar chlár na talún. Tar agus cuir do mhallacht orthu dom; ansin b'fhéidir go bhféadfainn cath a chur orthu agus iad a thiomáint amach.’ ”

[12] Então, disse Deus a Balaão: Não irás com eles, nem amaldiçoarás o povo; porque é povo abençoado.

[12]Dúirt Dia le Balám: “Ná téigh leo. Na cuir mallacht ar an muintir seo óir tá siad beannaithe.”

[13] Levantou-se Balaão pela manhã e disse aos príncipes de Balaque: Tornai à vossa terra, porque o SENHOR recusa deixar-me ir convosco.

[13]D'éirigh Balám lá arna mhárach agus dúirt leis na taoisigh a chuir Bálác chuige: “Téigí ar ais go dtí bhur dtír féin óir ní ligfeadh an Tiarna dom dul libh.”

[14] Tendo-se levantado os príncipes dos moabitas, foram a Balaque e disseram: Balaão recusou vir conosco.

[14]D'éirigh taoisigh Mhóáb dá bhrí sin agus d'fhilleadar go Bálác agus dúradar: “Ní toil le Balám teacht linn.”

[15] De novo, enviou Balaque príncipes, em maior número e mais honrados do que os primeiros,

[15]Sheol Bálác a thuilleadh prionsaí, níos líonmhaire agus níos céimiúla ná an chéad dream.

16 os quais chegaram a Balaão e lhe disseram: Assim diz Balaque, filho de Zipor: Peço-te não te demores em vir a mim,

17 porque grandemente te honrarei e farei tudo o que me disseres; vem, pois, rogo-te, amaldiçoa-me este povo.

18 Respondeu Balaão aos oficiais de Balaque: Ainda que Balaque me desse a sua casa cheia de prata e de ouro, eu não poderia traspassar o mandado do SENHOR, meu Deus, para fazer coisa pequena ou grande;

19 agora, pois, rogo-vos que também aqui fiqueis esta noite, para que eu saiba o que mais o SENHOR me dirá.

20 Veio, pois, o SENHOR a Balaão, de noite, e disse-lhe: Se aqueles homens vieram chamar-te, levanta-te, vai com eles; todavia, farás somente o que eu te disser.

O Anjo do SENHOR e a jumenta de Balaão

21 Então, Balaão levantou-se pela manhã, albardou a sua jumenta e partiu com os príncipes de Moabe.

22 Acendeu-se a ira de Deus, porque ele se foi; e o Anjo do SENHOR pôs-se-lhe no caminho por adversário. Ora, Balaão ia caminhando, montado na sua jumenta, e dois de seus servos, com ele.

23 Viu, pois, a jumenta o Anjo do SENHOR parado no caminho, com a sua espada desembainhada na mão; pelo que se desviou a jumenta do caminho, indo pelo

16Thángadar go Balám agus dúradar leis: “Seo teachtaireacht ó Bhálác mac Zipeor: ‘Ná diúltaigh, impím ort, teacht chugam.

17Caithfidh mé onóracha leat agus déanfaidh mé cibé rud a déarfaidh tú liom. Tar agus cuir mallacht ar an muintir seo dom.’ ”

18Ach d'fhreagair Balám teachtaí Bhálác: “Dá dtabharfadh Bálác lán a thí d'ór agus d'airgead dom, ní fhéadfainn aithne an Tiarna mo Dhia a shárú in aon ní beag ná mór.

19Ach fanaigí féin leis anseo thar oíche, le bhur dtoil, agus gheobhaidh mé amach cad eile atá ag an Tiarna le rá liom.”

20Tháinig Dia go Balám i gcaitheamh na hoíche, agus dúirt leis: “Nár tháinig na fir seo ag glaoch ort? Éirigh agus téigh leo. Ach ná déan aon ní thar mar a déarfaidh mé leat.”

21D'éirigh Balám ar maidin agus chuir an diallait ar a láir asail agus chuir chun siúil le taoisigh Mhóáb.

22Las fearg an Tiarna de bharr a imeachta, agus sheas aingeal sa tslí air ar an mbealach á bhac. Bhí sé ar muin a asail agus a bheirt shearbhónta in éineacht leis.

23Chonaic an t-asal aingeal an Tiarna ina sheasamh ar an mbóthar, agus claíomh nocht ina láimh, agus d'imigh an t-asal i leataobh ón mbóthar agus seo leis trí na

campo; então, Balaão espancou a jumenta para fazê-la tornar ao caminho.

24 Mas o Anjo do SENHOR pôs-se numa vereda entre as vinhas, havendo muro de um e outro lado.

25 Vendo, pois, a jumenta o Anjo do SENHOR, coseu-se contra o muro e comprimiu contra este o pé de Balaão; por isso, tornou a espancá-la.

26 Então, o Anjo do SENHOR passou mais adiante e pôs-se num lugar estreito, onde não havia caminho para se desviar nem para a direita, nem para a esquerda.

27 Vendo a jumenta o Anjo do SENHOR, deixou-se cair debaixo de Balaão; acendeu-se a ira de Balaão, e espancou a jumenta com a vara.

28 Então, o SENHOR fez falar a jumenta, a qual disse a Balaão: Que te fiz eu, que me espancaste já três vezes?

29 Respondeu Balaão à jumenta: Porque zombaste de mim; tivera eu uma espada na mão e, agora, te mataria.

30 Replicou a jumenta a Balaão: Porventura, não sou a tua jumenta, em que toda a tua vida cavalgaste até hoje? Acaso, tem sido o meu costume fazer assim contigo? Ele respondeu: Não.

31 Então, o SENHOR abriu os olhos a Balaão, ele viu o Anjo do SENHOR, que estava no caminho, com a sua espada desembainhada na mão; pelo que inclinou

bánta. Ach bhuail Balám an t-asal á chur ar ais ar an mbóthar.

24Ansin sheas aingeal an Tiarna ar chosán cúng idir na fíniúna, le balla ar a dheis agus balla ar a chlé.

25Chonaic an t-asal aingeal an Tiarna agus dhruid sé le balla agus bhrúigh sé cos Bhalám i gcoinne an bhalla agus bhuail Balám arís é.

26Ar aghaidh le haingeal an Tiarna ansin agus sheas in áit a bhí chomh cúng nach raibh aon slí chun gabháil thart ar dheis ná ar chlé.

27Nuair a chonaic an t-asal aingeal an Tiarna, luigh sé síos faoi Bhalám, agus tháinig racht feirge ar Bhalám agus bhuail sé é lena bhata.

28Ansin d'oscail an Tiarna béal an asail agus dúirt sé le Balám: “Cad tá déanta agam ort, a rá is gur bhuail tú mé trí huaire mar seo?”

29Dúirt Balám leis an asal: “Tá tú ag déanamh ceap magaidh díom! Nár bhreá liom claíomh a bheith agam i mo ghlaic, mar go mbeifeá marbh agam faoin am seo!”

30Dúirt an t-asal le Balám: “Nach mise d'asal? Nach orm a rinne tú marcaíocht ó d'óige go dtí seo? I gcaitheamh an ama sin go léir ar theip mé riamh ort ag freastal ort?” “Ní dhearna tú,” ar sé.

31Ansin d'oscail an Tiarna súile Bhalám. Chonaic sé aingeal an Tiarna ina sheasamh ar an mbóthar agus claíomh

a cabeça e prostrou-se com o rosto em terra.

32 Então, o Anjo do SENHOR lhe disse: Por que já três vezes espancaste a jumenta? Eis que eu saí como teu adversário, porque o teu caminho é perverso diante de mim;

33 a jumenta me viu e já três vezes se desviou de diante de mim; na verdade, eu, agora, te haveria matado e a ela deixaria com vida.

34 Então, Balaão disse ao Anjo do SENHOR: Pequei, porque não soube que estavas neste caminho para te opores a mim; agora, se parece mal aos teus olhos, voltarei.

35 Tornou o Anjo do SENHOR a Balaão: Vai-te com estes homens; mas somente aquilo que eu te disser, isso falarás. Assim, Balaão se foi com os príncipes de Balaque.

36 Tendo Balaque ouvido que Balaão havia chegado, saiu-lhe ao encontro até à cidade de Moabe, que está nos confins do Arnom e na fronteira extrema.

37 Perguntou Balaque a Balaão: Porventura, não enviei mensageiros a chamar-te? Por que não vieste a mim? Não posso eu, na verdade, honrar-te?

38 Respondeu Balaão a Balaque: Eis-me perante ti; acaso, poderei eu, agora, falar alguma coisa? A palavra que Deus puser na minha boca, essa falarei.

nocht ina láimh, agus chrom sé síos agus thit ar a bhéal agus ar a fhiacla.

32Dúirt aingeal an Tiarna leis: “Cad a b'áil leat ag bualadh d'asail trí huaire mar sin? Seo mise féin tagtha do do chosc mar is claon é do bhealach romham.

33Chonaic an t-asal mé agus chas i leataobh mar sin uaim trí huaire. Ba mhaith an mhaise duit gur chas sé i leataobh nó bheifeá marbh agam faoin am seo, fág go scaoilfinn a anam leis.”

34Ansin dúirt Balám le haingeal an Tiarna: “Rinne mé peaca. Ní raibh a fhios agam go raibh tú i do sheasamh sa tslí orm. Anois más ea, má tá tú i bhfearg liom, rachaidh mé ar ais.”

35D'fhreagair aingeal an Tiarna Balám: “Téigh in éineacht leis na fir seo, ach ná habair aon ní ach mar a déarfaidh mé leat.” D'imigh Balám ar aghaidh dá bhrí sin le taoisigh Bhálác.

36Nuair a chuala Bálác go raibh Balám tagtha, chuaigh sé amach ina choinne i dtreo Ár Mhóáb ag teorainn an Arnón, ar an imeall is sia ó bhaile den teorainn.

37Dúirt Bálác le Balám: “Nár chuir mé teachtairí ag glaoch ort? Cén fáth nár tháinig tú chugam? An amhlaidh a mheas tú nach bhféadfainn, b'fhéidir, onóir a chaitheamh leat?”

38D'fhreagair Balám Bálác: “Seo anseo anois agat mé! An bhfuil cead cainte ar bith agam leat anois? An focal a chuireann Dia i mo bhéal, sin é nach foláir dom a labhairt.”

[39] Balaão foi com Balaque, e chegaram a Quiriate-Huzote.

[40] Então, Balaque sacrificou bois e ovelhas; e deles enviou a Balaão e aos príncipes que estavam com ele.

[41] Sucedeu que, pela manhã, Balaque tomou a Balaão e o fez subir a Bamote-Baal; e Balaão viu dali a parte mais próxima do povo.

[39]D'imigh Balám ansin in éineacht le Bálác agus thángadar go Ciriat Huzót.

[40]Mharaigh Bálác eallach agus caoirigh, agus thug sé codanna do Bhalám agus do na taoisigh a bhí in éineacht leis.

[41]Lá ar na mhárach rug Bálác Balám suas go Bámót Bál agus ón áit sin bhí radharc aige ar an gcuid ba chongaraí den phobal.

Números 23

Balaão abençoa a Israel pela primeira vez

[1] Então, Balaão disse a Balaque: Edifica-me, aqui, sete altares e prepara-me sete novilhos e sete carneiros.

[2] Fez, pois, Balaque como Balaão dissera; e Balaque e Balaão ofereceram um novilho e um carneiro sobre cada altar.

[3] Disse mais Balaão a Balaque: Fica-te junto do teu holocausto, e eu irei; porventura, o SENHOR me sairá ao encontro, e o que me mostrar to notificarei. Então, subiu a um morro desnudo.

[4] Encontrando-se Deus com Balaão, este lhe disse: Preparei sete altares e sobre cada um ofereci um novilho e um carneiro.

[5] Então, o SENHOR pôs a palavra na boca de Balaão e disse: Torna para Balaque e falarás assim.

[6] E, tornando para ele, eis que estava junto do seu holocausto, ele e todos os príncipes dos moabitas.

Uimhreacha 23

Céalmhainí Bhalám

[1]Dúirt Balám le Bálác: “Tóg seacht n-altóirí anseo dom agus tabhair anseo chugam seacht dtarbh agus seacht reithe.”

[2]Rinne Bálác mar a d'iarr Balám agus d'ofráil Bálác agus Balám tarbh agus reithe ar gach altóir.

[3]Dúirt Balám ansin le Bálác: “Seas láimh le d'íobairt uileloiscthe. Rachaidh mé ar aghaidh; b'fhéidir go gceadóidh an Tiarna dom teagmháil leis. Cibé rud a nochtfaidh sé dom, inseoidh mé duit.” Ar aghaidh leis go barr maolchnoic.

[4]Tháinig Dia i gcoinne Bhalám agus dúirt Balám leis: “Dheasaigh mé na seacht n-altoirí agus d'ofráil mé tarbh agus reithe ar gach altóir díobh ina n-íobairt loiscthe.”

[5]Chuir an Tiarna ansin focal ina bhéal agus dúirt leis: “Ar ais leat go Bálác agus sin é a déarfaidh tú leis.”

[6]Chuaigh Balám ar ais chuige agus b'shiúd é ansiúd é ina sheasamh ag a íobairt uileloiscthe agus taoisigh Mhóáb go léir ina thimpeall.

[7] Então, proferiu a sua palavra e disse: Balaque me fez vir de Arã, o rei de Moabe, dos montes do Oriente; vem, amaldiçoa-me a Jacó, e vem, denuncia a Israel.

[8] Como posso amaldiçoar a quem Deus não amaldiçoou? Como posso denunciar a quem o SENHOR não denunciou?

[9] Pois do cimo das penhas vejo Israel e dos outeiros o contemplo: eis que é povo que habita só e não será reputado entre as nações.

[10] Quem contou o pó de Jacó ou enumerou a quarta parte de Israel? Que eu morra a morte dos justos, e o meu fim seja como o dele.

[11] Então, disse Balaque a Balaão: Que me fizeste? Chamei-te para amaldiçoar os meus inimigos, mas eis que somente os abençoaste.

[12] Mas ele respondeu: Porventura, não terei cuidado de falar o que o SENHOR pôs na minha boca?

Balaão abençoa a Israel pela segunda vez

[13] Então, Balaque lhe disse: Rogo-te que venhas comigo a outro lugar, donde verás o povo; verás somente a parte mais próxima dele e não o verás todo; e amaldiçoa-mo dali.

[14] Levou-o consigo ao campo de Zofim, ao cimo de Pisga; e edificou sete altares e sobre cada um ofereceu um novilho e um carneiro.

[7]Ansin reac sé a laoi agus dúirt: “Thug Bálác leis mé ó Arám, rí Mhóáb ó shléibhte an oirthir.’Tar agus cuir mallacht ar Iacób dom, agus déan aoir ar Iosrael.’

[8]Conas is féidir dom mallacht a chur ar an te nár chuir Dia mallacht air? Conas is féidir dom aoir a dhéanamh ar an te nach ndearna Dia aoir air?

[9]Feicim é ó bharr na sléibhte, agus ó mhaoileann na gcnoc a fhairim é: Pobal ag maireachtáil leo féin, nach n-áiríonn iad féin ar na cinÍocha.

[10]Cé d'fhéadfadh luaithreach Iacóib a ríomh? Cé d'fhéadfadh deannach shlua Iosrael a áireamh? Gurbh é bás an fhíréin mo bhás-sa! Gurbh í a gcríoch siúd mo chríochsa.”

[11]Dúirt Bálác le Balám: “Cad é seo a rinne tú orm? Thug mé liom thú chun mallacht a chur ar mo naimhde, agus seo tú gan ar siúl agat ach ag cur beannachtaí orthu!”

[12]D'fhreagair Balám: “Nach bhfuil sé de cheangal orm féachaint chuige a gcuireann an Tiarna i mo bhéal a labhairt?”

[13]Dúirt Bálác leis: “Tar liom go láthair eile óna bhféadfaidh tú iad a fheiceáil. Níl radharc agat ón áit seo ach ar imeall an tslua seo, níl radharc agat orthu go léir. Cuir mallacht orthu ón áit sin thall.”

[14]Thug sé leis é go Gort na Spiairí i dtreo mhullach Phisceá. Thóg sé seacht n-altóirí ansiúd agus d'ofráil sé tarbh agus reithe ar gach altóir.

[15] Então, disse Balaão a Balaque: Fica, aqui, junto do teu holocausto, e eu irei ali ao encontro do SENHOR.

[15]Duirt Balám le Bálác: “Seas taobh le d'íobairt uileloiscthe; buailfear liomsa anseo thall.”

[16] Encontrando-se o SENHOR com Balaão, pôs-lhe na boca a palavra e disse: Torna para Balaque e assim falarás.

[16]Tháinig Dia i gcoinne Bhalám agus chuir focal ina bhéal agus dúirt leis: “Ar ais leat go Bálác agus sin é a déarfaidh tú leis.”

[17] Vindo a ele, eis que estava junto do holocausto, e os príncipes dos moabitas, com ele. Perguntou-lhe, pois, Balaque: Que falou o SENHOR?

[17]Chuaigh Balám ar ais chuige agus b'shiúd é ansiúd é ina sheasamh ag a íobairt uileloiscthe agus taoisigh Mhóáb go léir ina thimpeall. Chuir Bálác ceist air: “Cad dúirt an Tiarna?”

[18] Então, proferiu a sua palavra e disse: Levanta-te, Balaque, e ouve; escuta-me, filho de Zipor:

[18]Ansin reac Balám a laoi agus dúirt: “Éirigh, a Bhálác, agus éist! Tabhair cluas dom, a mhic Zipeor.

[19] Deus não é homem, para que minta; nem filho de homem, para que se arrependa. Porventura, tendo ele prometido, não o fará? Ou, tendo falado, não o cumprirá?

[19]Ní duine é Dia go n-inseodh sé bréag, ná ní mac le hÁdhamh é go dtiocfadh ar mhalairt aigne. An dual dó ‘sea’ a rá, gan an beart a dhéanamh, a bhriathar a thabhairt, ach gan é a chomhlíonadh?

[20] Eis que para abençoar recebi ordem; ele abençoou, não o posso revogar.

[20]Seo mise le hordú orm beannacht a thabhairt; beannacht a thabharfaidh [mé] agus ní dhéanfaidh mé a chur ar ceal.

[21] Não viu iniqüidade em Jacó, nem contemplou desventura em Israel; o SENHOR, seu Deus, está com ele, no meio dele se ouvem aclamações ao seu Rei.

[21]Ní fhaca mé urchóid in Iacób. Níor luigh mé súil ar chruatan in Iosrael. Tá an Tiarna a nDia faru,

[22] Deus os tirou do Egito; as forças deles são como as do boi selvagem.

[22]Tugann Dia as an Éigipt amach iad; is cuma dóibh é nó adharca cama dhamh díleann.

[23] Pois contra Jacó não vale encantamento, nem adivinhação contra Israel; agora, se poderá dizer de Jacó e de Israel: Que coisas tem feito Deus!

[23]Níl briocht in Iacób; ná tuar asarlaíochta in Iosrael. Fág go ndeir daoine le Iacób, agus go ndeir siad le hIosrael: ‘Cén t-iontas a rinne Dia? ’

[24] Eis que o povo se levanta como leoa e se ergue como leão; não se deita até que

[24]seo pobal, amhail banleon ag éirí, ar tinneall mar leon ar tí léim, agus nach

devore a presa e beba o sangue dos que forem mortos.

[25] Então, disse Balaque a Balaão: Nem o amaldiçoarás, nem o abençoarás.

[26] Porém Balaão respondeu e disse a Balaque: Não te disse eu: tudo o que o SENHOR falar, isso farei?

[27] Disse mais Balaque a Balaão: Ora, vem, e te levarei a outro lugar; porventura, parecerá bem aos olhos de Deus que dali mo amaldiçoes.

[28] Então, Balaque levou Balaão consigo ao cimo de Peor, que olha para o lado do deserto.

[29] Balaão disse a Balaque: Edifica-me, aqui, sete altares e prepara-me sete novilhos e sete carneiros.

[30] Balaque, pois, fez como dissera Balaão e ofereceu sobre cada altar um novilho e um carneiro.

Números 24

Balaão abençoa a Israel pela terceira vez

[1] Vendo Balaão que bem parecia aos olhos do SENHOR que abençoasse a Israel, não foi esta vez, como antes, ao encontro de agouros, mas voltou o rosto para o deserto.

[2] Levantando Balaão os olhos e vendo Israel acampado segundo as suas tribos, veio sobre ele o Espírito de Deus.

[3] Proferiu a sua palavra e disse: Palavra de Balaão, filho de Beor, palavra do homem de olhos abertos;

luíonn go n-alpann a chreach, agus go slogann fuil ar mharaigh sé."

[25]Dúirt Bálác le Balám: "Ná cuir mallacht orthu, más sea, ach ná cuir beannacht ach chomh beag."

[26]D'fhreagair Balám Bálác: "Ná dúirt mé leat, cibé rud a deir an Tiarna, go gcaithfidh mé rud a dhéanamh air?"

[27]"Téanam más ea," arsa Bálác le Balám, "béarfaidh mé go láthair eile thú. B'fhéidir gur toil le Dia iad a mhallú ón áit sin."

[28]Rug Bálác Balám go barr Pheór atá go hard os cionn an fhásaigh.

[29]Ansin dúirt Balám le Bálác: "Tóg seacht n-altóirí anseo dom, agus tabhair anseo chugam seacht dtarbh agus seacht reithe."

[30]Rinne Bálác mar a d'iarr Balám agus d'ofráil tarbh agus reithe ar gach altóir.

Uimhreacha 24

[1]Nuair a chonaic Balám gur thoil leis an Tiarna beannacht a chur ar Iosrael, níor imigh sé, faoi mar a rinne roimhe sin, ar thóir tuartha, ach thug a aghaidh ar an bhfásach.

[2]D'ardaigh Balám a shúile agus chonaic Iosrael suite ina gcampa, treibh ar threibh. Luigh spiorad Dé air

[3]agus chan sé a laoi, agus dúirt: "Céalmhaine Bhalám mac Bheór, céalmhaine an té ar gruama é a radharc,

[4] palavra daquele que ouve os ditos de Deus, o que tem a visão do Todo-Poderoso e prostra-se, porém de olhos abertos:

[5] Que boas são as tuas tendas, ó Jacó! Que boas são as tuas moradas, ó Israel!

[6] Como vales que se estendem, como jardins à beira dos rios, como árvores de sândalo que o SENHOR plantou, como cedros junto às águas.

[7] Águas manarão de seus baldes, e as suas sementeiras terão águas abundantes; o seu rei se levantará mais do que Agague, e o seu reino será exaltado.

[8] Deus tirou do Egito a Israel, cujas forças são como as do boi selvagem; consumirá as nações, seus inimigos, e quebrará seus ossos, e, com as suas setas, os atravessará.

[9] Este abaixou-se, deitou-se como leão e como leoa; quem o despertará? Benditos os que te abençoarem, e malditos os que te amaldiçoarem.

[10] Então, a ira de Balaque se acendeu contra Balaão, e bateu ele as suas palmas. Disse Balaque a Balaão: Chamei-te para amaldiçoares os meus inimigos; porém, agora, já três vezes, somente os abençoaste.

[11] Agora, pois, vai-te embora para tua casa; eu dissera que te cumularia de honras; mas eis que o SENHOR te privou delas.

[4]céalmhaine an té a chluineann briathar Dé. Feiceann sé a dtugann an tUilechumhachtach dó le feiceáil; faigheann sé freagra ó Dhia, agus osclaítear a shúile.

[5]Nach álainn iad do bhothanna, a Iacóib! nach álainn iad d'áitribh, a Iosrael.

[6]Is cuma iad nó gleannta a shíneann i gcéin, nó luibhghoirt ar insí abhann, nó crainn aló a chlannaigh an Tiarna, nó crainn chéadrais láimh leis na huiscí!

[7][Tá laoch ag eascar as a síol agus ag rialú ar chiníocha gan áireamh.] Is mó ná Agag a rí, agus uaisleofar a mhórgacht.

[8]Tugann Dia as an Éigipt amach é; is cuma dó é nó adharca cama dhamh díleann. Alpann sé conablach a naimhde, agus déanann sé mionramh dá gcnámha agus tollann iad lena shaigheada.

[9]Chúb sé chuige, agus luigh, mar leon, mar bhanleon. Cé leomhfadh é chur ina shuí? Gura beannaithe lucht bhur mbeannaithe; gura mallaithe lucht bhur mallaithe.”

[10]Tháinig reacht feirge ar Bhálác le Balám. Bhuail sé a bhosa ar a chéile agus dúirt le Balám: “Chuir mé fios ort chun mallacht a chur ar mo naimhde, agus seo anois beannacht curtha faoi thrí agat orthu!

[11]Imigh ort abhaile. Gheall mé onóir a chaitheamh leat go cinnte, ach tá sin bainte díot ag an Tiarna.”

[12] Então, Balaão disse a Balaque: Não falei eu também aos teus mensageiros, que me enviaste, dizendo:

[13] ainda que Balaque me desse a sua casa cheia de prata e ouro, não poderia traspassar o mandado do SENHOR, fazendo de mim mesmo bem ou mal; o que o SENHOR falar, isso falarei?

[14] Agora, eis que vou ao meu povo; vem, avisar-te-ei do que fará este povo ao teu, nos últimos dias.

A profecia de Balaão. A estrela de Jacó

[15] Então, proferiu a sua palavra e disse: Palavra de Balaão, filho de Beor, palavra do homem de olhos abertos,

[16] palavra daquele que ouve os ditos de Deus e sabe a ciência do Altíssimo; daquele que tem a visão do Todo-Poderoso e prostra-se, porém de olhos abertos:

[17] Vê-lo-ei, mas não agora; contemplá-lo-ei, mas não de perto; uma estrela procederá de Jacó, de Israel subirá um cetro que ferirá as têmporas de Moabe e destruirá todos os filhos de Sete.

[18] Edom será uma possessão; Seir, seus inimigos, também será uma possessão; mas Israel fará proezas.

[19] De Jacó sairá o dominador e exterminará os que restam das cidades.

[12]Thug Balám freagra ar Bhálác: “Ná dúirt mé leis na teachtairí a chuir tú chugam:

[13]‘Dá dtabharfadh Bálác lán a thí d'ór agus d'airgead dom, ní fhéadfainn briathar an Tiarna a shárú agus rud a dhéanamh as mo stuaim féin, cibé acu maith nó olc é; a ndeir an Tiarna, sin é a déarfaidh mé.’

[14]Anois ó táim ag filleadh ar mo mhuintir féin, lig dom rabhadh a thabhairt duit faoi cad a dhéanfaidh an mhuintir seo le do mhuintirse anseo amach.”

[15]Ansin chan sé a laoi, agus dúirt: “Céalmhaine Bhalám mac Bheór, céalmhaine an té ar gruama é a radharc,

[16]céalmhaine an té a chluineann briathar Dé, agus ar fios dó eolas an Té is Airde. Feiceann sé a dtugann an tUilechumhachtach dó le feiceáil; faigheann sé freagra ó Dhia, agus osclaítear a shúile.

[17]Feicim é - ach ní anois é; faighim radharc air - ach ní láimh liom é: Faigheann réalta ó Iacób an cheannasaíocht; Éiríonn slat ríoga as Iosrael. Bascann sé malaí Mhóáb agus cloigne uile chlann na geona.

[18]Cuirtear Eadóm as seilbh, agus a naimhde, Saeír, mar an gcéanna, cuirtear as seilbh iad, agus cuireann Iosrael a neart i ngníomh.

[19]Ceansaíonn Iacób a naimhde, agus scriosann sé na teifigh ó Ár.”

[20] Viu Balaão a Amaleque, proferiu a sua palavra e disse: Amaleque é o primeiro das nações; porém o seu fim será destruição.

[21] Viu os queneus, proferiu a sua palavra e disse: Segura está a tua habitação, e puseste o teu ninho na penha.

[22] Todavia, o queneu será consumido. Até quando? Assur te levará cativo.

[23] Proferiu ainda a sua palavra e disse: Ai! Quem viverá, quando Deus fizer isto?

[24] Homens virão das costas de Quitim em suas naus; afligirão a Assur e a Héber; e também eles mesmos perecerão.

[25] Então, Balaão se levantou, e se foi, e voltou para a sua terra; e também Balaque se foi pelo seu caminho.

[20]Ansin d'fhéach Balám ar Amáiléic agus chan a laoi agus dúirt: “Amáiléic a bhí ar thús na gcinîocha, ach dísceofar a shliocht go brách.”

[21]Ansin d'fhéach sé ar na Céinigh agus chan a laoi, agus dúirt: “Ba dhaingean é do theach, a Cháin, agus do nead suite go hard sa charraig.

[22]Ach is le Beór an nead, agus an fada a bheidh tú sciobtha i do chime ag Aisiúr?”

[23][Ansin d'fhéach sé ar Óg] agus chan sé a laoi agus dúirt: “Tá lucht na farraige ag tóstal lastuaidh,

[24]longa ó chóstaí Chitím. Cránn siad Aisiúr, cránn siad Éibir. Déanfar eisean chomh maith a dhísciú go brách.”

[25]Ansin d'éirigh Balám, agus d'imigh leis abhaile. D'imigh Bálác leis chomh maith.

Números 25

A adoração a Baal-Peor e o zelo de Fineias

[13] Moisés, e Eleazar, o sacerdote, e todos os príncipes da congregação saíram a recebê-los fora do arraial.

[14] Indignou-se Moisés contra os oficiais do exército, capitães dos milhares e capitães das centenas, que vinham do serviço da guerra.

an sagart leo ag iompar na soithí naofa agus na dtrumpaí chun an gháir a thógáil.

[7]D'fhearadar cogadh ar Mhidián mar a d'ordaigh an Tiarna agus chuireadar gach mac máthar chun báis.

[8]Mharaíodar chomh maith, de bharr ar an ár, rithe Mhidián - Eiví, Reicim, Zúr, Húr agus Reaba, cúig rí Mhidián. D'imríodar bás de rinn claímh leis ar Bhalám mac Bheór.

[9]Ghabh clann Iosrael mná agus miondaoine Mhidián ina gcimí, agus rugadar leo mar chreach a dtáinte, a dtréada agus a maoin go léir.

[10]Chuireadar tine leis na cathracha go léir inar chónaíodar, agus lena n-áitribh go léir.

[11]Rugadar leo a gcreach go léir, a raibh gafa acu idir dhuine agus bheithíoch,

[12]agus thugadar idir chimí agus bhraid agus chreach, go Maois agus go Eileázár an sagart agus go comhthionól chlann Iosrael go léir sa champa ar mhachairí Mhóáb láimh leis an Iordáin, sall ó Ireachó.

[13]Chuaigh Maois agus Eileázár an sagart, agus ceannairí uile an chomhthionóil amach lasmuigh den champa ina gcoinne.

[14]Bhí fearg ar Mhaois le ceannasaithe an airm, ceannairí na mílte, agus ceannairí na gcéadta, a d'fhill ón bhfeachtas míleata sin.

[15] Disse-lhes Moisés: Deixastes viver todas as mulheres?

[16] Eis que estas, por conselho de Balaão, fizeram prevaricar os filhos de Israel contra o SENHOR, no caso de Peor, pelo que houve a praga entre a congregação do SENHOR.

[17] Agora, pois, matai, dentre as crianças, todas as do sexo masculino; e matai toda mulher que coabitou com algum homem, deitando-se com ele.

[18] Porém todas as meninas, e as jovens que não coabitaram com algum homem, deitando-se com ele, deixai-as viver para vós outros.

A purificação dos soldados e da presa

[19] Acampai-vos sete dias fora do arraial; qualquer de vós que tiver matado alguma pessoa e qualquer que tiver tocado em algum morto, ao terceiro dia e ao sétimo dia, vos purificareis, tanto vós como os vossos cativos.

[20] Também purificareis toda veste, e toda obra de peles, e toda obra de pêlos de cabra, e todo artigo de madeira.

[21] Então, disse o sacerdote Eleazar aos homens do exército que partiram à guerra: Este é o estatuto da lei que o SENHOR ordenou a Moisés.

[22] Contudo, o ouro, a prata, o bronze, o ferro, o estanho e o chumbo,

[23] tudo o que pode suportar o fogo fareis passar pelo fogo, para que fique limpo; todavia, se purificará com a água

[15]Chuir Maois an cheist: “Cén fáth a ndearna sibh anacal anama ar na mná go léir?”

[16]“Féach,” ar sé, “is iadsan an dream ceannann céanna a thug ar chlann Iosrael, trí chomhairle Bhalám, dul amú agus an Tiarna a shéanadh i ngnó úd Pheór, agus sin é mar a bhuail an phlá comhthionól an Tiarna.

[17]Cuirigí chun báis dá bhrí sin gach leanbh mic ar na miondaoine. Cuirigí chun báis chomh maith gach bean a luigh le fear.

[18]Déanaigí anacal anama ar gach ógbhean nár luigh le fear, agus tógaigí chugaibh féin iad.

[19]Maidir libh féin, aon duine agaibh a mharaigh fear nó a bhain le corpán, lonnaíodh sé lasmuigh den champa ar feadh seacht lá; déanaigí sibh féin agus bhur gcimí a íonghlanadh ar an tríú agus ar an seachtú lá;

[20]íonghlanaigí chomh maith bhur n-éidí - gach ball éadaigh de leathar nó de rón gabhair, agus gach ní déanta d'adhmad.”

[21]Dúirt Eileázár an sagart leis na saighdiúirí a tháinig abhaile ón bhfeachtas seo: “Reacht den dlí,” ar sé, “is ea é seo a d'aithin an Tiarna do Mhaois.

[22]Ach an t-ór, an t-airgead, an cré-umha, an t-iarann, an stán agus an luaidhe -

[23]gach rud a sheasann tine, ní foláir é a chur tríd an tine agus beidh sé glan, ach ní foláir é a ghlanadh leis le huisce an

purificadora; mas tudo o que não pode suportar o fogo fareis passar pela água.

[24] Também lavareis as vossas vestes ao sétimo dia, para que fiqueis limpos; e, depois, entrareis no arraial.

ghlanta. Cibé rud nach seasfadh tine, ní foláir daoibh é a chur trí uisce.

[24]Nígí bhur gcuid éadaigh ar an seachtú lá agus beidh sibh glan ansin. Ní miste daoibh filleadh ar an gcampa ansin."

A divisão da presa

[25] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[26] Faze a contagem da presa que foi tomada, tanto de homens como de animais, tu, e Eleazar, o sacerdote, e os cabeças das casas dos pais da congregação;

[27] divide a presa em duas partes iguais, uma para os que, hábeis na peleja, saíram à guerra, e a outra para toda a congregação.

[28] Então, para o SENHOR tomarás tributo dos homens do exército que saíram a esta guerra, de cada quinhentas cabeças, uma, tanto dos homens como dos bois, dos jumentos e das ovelhas.

[29] Da metade que lhes toca o tomareis e o dareis ao sacerdote Eleazar, para a oferta do SENHOR.

[30] Mas, da metade que toca aos filhos de Israel, tomarás, de cada cinqüenta, um, tanto dos homens como dos bois, dos jumentos e das ovelhas, de todos os animais; e os darás aos levitas que têm a seu cargo o serviço do tabernáculo do SENHOR.

[31] Moisés e o sacerdote Eleazar fizeram como o SENHOR ordenara a Moisés.

[32] Foi a presa, restante do despojo que tomaram os homens de guerra, seiscentas e setenta e cinco mil ovelhas,

[25]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[26]"Déan-sa, tú féin agus Eileázár an sagart, agus ceannairí theaghlaigh athartha an chomhthionóil, an chreach a ríomhadh idir dhuine agus ainmhí.

[27]Ansin roinn an chreach ina dhá leath idir lucht troda an fheachtais agus an chuid eile den chomhthionól.

[28]Cuir i leataobh mar chuid ranna don Tiarna as roinn na muintire a chuaigh amach ag troid san fheachtas, ceann as gach cúig céad cime agus damh agus asal agus caora.

[29]Tóg iadsan as an leathroinn is dual dóibh agus tabhair iad do Eileázár an sagart mar íobairt don Tiarna.

[30]As an leath atá ag dul do chlann Iosrael tóg ceann as gach caoga cime, agus damh, agus asal agus caora agus ainmhí ar bith eile, agus tabhair iad do na Léivítigh ar a bhfuil cúram thaibearnacal an Tiarna."

[31]Rinne Maois agus Eileázár an sagart mar a d'aithin an Tiarna do Mhaois.

[32]Anois ba é seo méid na creiche a d'fhan den bhraid a ghabh na saighdiúirí: sé chéad seachtó cúig mhíle de mhionairnéis,

[33] setenta e dois mil bois,
[34] sessenta e um mil jumentos
[35] e trinta e duas mil pessoas, as mulheres que não coabitaram com homem algum, deitando-se com ele.
[36] E a metade, parte que toca aos que saíram à guerra, foi em número de trezentas e trinta e sete mil e quinhentas ovelhas.
[37] O tributo em ovelhas para o SENHOR foram seiscentas e setenta e cinco.
[38] E foram os bois trinta e seis mil; e o seu tributo para o SENHOR, setenta e dois.
[39] E foram os jumentos trinta mil e quinhentos; e o seu tributo para o SENHOR, sessenta e um.
[40] As pessoas foram dezesseis mil; e o seu tributo para o SENHOR, trinta e duas.
[41] Então, Moisés deu a Eleazar, o sacerdote, o tributo da oferta do SENHOR, como este ordenara a Moisés.
[42] E, da metade que toca aos filhos de Israel, que Moisés separara da dos homens que pelejaram
[43] (a metade para a congregação foram, em ovelhas, trezentas e trinta e sete mil e quinhentas;
[44] em bois, trinta e seis mil;
[45] em jumentos, trinta mil e quinhentos;
[46] e, em pessoas, dezesseis mil),
[47] desta metade que toca aos filhos de Israel, Moisés tomou um de cada cinqüenta, tanto de homens como de animais, e os deu aos levitas que tinham a seu cargo o serviço do tabernáculo do

[33]seachtó dó míle eallach,
[34]seasca haon míle asal,
[35]agus, de chimí, tríocha dó míle bean ar fad nár luigh le fear.
[36]Agus an leath ba chion na muintire a ghlac páirt sa chogadh seo é: trí chéad tríocha seacht míle cúig céad de mhionairnéis
[37]dar chuid an Tiarna trí chéad seachtó cúig,
[38]tríocha sé mhíle eallach dar chuid an Tiarna seachtó dó,
[39]tríocha míle cúig céad asal dar chuid an Tiarna seasca haon,
[40]sé mhíle dhéag cime dar chuid an Tiarna tríocha dó.
[41]Thug Maois do Eileázár an sagart an chuid a cuireadh i leataobh don Tiarna de réir treoracha an Tiarna do Mhaois.
[42]Maidir leis an leath ba dhual do chlann Iosrael, rud a chuir Maois ar leithrigh ó chuid na gcogthach,
[43]is é seo an méid a bhí sa leath leis an gcomhthionól: trí chead tríocha seacht mhíle cúig céad de mhionairnéis,
[44]tríocha sé mhíle eallach,
[45]tríocha míle cúig céad asal,
[46]sé mhíle dhéag cime.
[47]As an leath seo, cion chlann Iosrael, thóg Maois ceann as gach caoga cime agus ainmhí, agus thug iad do na Léivítigh ar a raibh cúram thaibearnacal an Tiarna, de réir treoracha an Tiarna do Mhaois.

SENHOR, como o SENHOR ordenara a Moisés.

A oferta voluntária dos capitães

[48] Então, se chegaram a Moisés os oficiais sobre os milhares do exército, capitães sobre mil e capitães sobre cem,

[49] e lhe disseram: Teus servos fizeram a conta dos homens de guerra que estiveram sob as nossas ordens, e nenhum falta dentre eles e nós.

[50] Pelo que trouxemos uma oferta ao SENHOR, cada um o que achou: objetos de ouro, ornamentos para o braço, pulseiras, sinetes, arrecadas e colares, para fazer expiação por nós mesmos perante o SENHOR.

[51] Assim, Moisés e o sacerdote Eleazar receberam deles o ouro, sendo todos os objetos bem trabalhados.

[52] Foi todo o ouro da oferta que os capitães de mil e os capitães de cem trouxeram ao SENHOR dezesseis mil setecentos e cinqüenta siclos.

[53] Pois cada um dos homens de guerra havia tomado despojo para si.

[54] Moisés e o sacerdote Eleazar receberam o ouro dos capitães de mil e dos capitães de cem e o trouxeram à tenda da congregação, como memorial para os filhos de Israel perante o SENHOR.

Números 32

Duas tribos e meia desejam habitar na Transjordânia

[48]Ceannasaithe na sluaite a throid, ceannairí na mílte agus ceannairí na gcéadta, thángadar go Maois

[49]agus dúradar le Maois: “Chomhairigh do searbhóntaí na saighdiúirí faoina gceannas; níl fear ar iarraidh uainn.

[50]Thugamar dá bhrí sin mar ofráil don Tiarna na seoda óir a fuaireamar - slabhraí rí agus géag, fáinní, cluasáin, agus dealga - chun go ndéanfaí gnás an leorghnímh a chomhlíonadh ar ár son i láthair an Tiarna.”

[51]Ghlac Maois agus Eileázár an sagart leis an ór seo, leis na seoda seo, uathu.

[52]Agus an t-ór go léir a d'ofráladar don Tiarna sé méid a bhí ann sé mhíle dhéag, seacht gcéad agus caoga seicil; na ceannairí míle agus na ceannairí céad, is iad a bhronn.

[53]Rug gach saighdiúir a chreach féin leis.

[54]Ach thóg Maois agus Eileázár an sagart an t-ór ó na ceannairí míle agus na ceannairí céad, agus thugadar leo isteach i mBoth na Teagmhála é mar chuimhneachán ar chlann Iosrael i bhfianaise an Tiarna.

Uimhreacha 32

An Alliordáin á hAitreabh

[1] Os filhos de Rúben e os filhos de Gade tinham gado em muitíssima quantidade; e viram a terra de Jazer e a terra de Gileade, e eis que o lugar era lugar de gado.

[1]Bhí táinte móra de bha breátha ag clann Reúbaen agus ag clann Ghád. Chonaiceadar anois gurb an-áit do stoc dúiche Iazaer agus dúiche Ghileád.

[2] Vieram, pois, os filhos de Gade e os filhos de Rúben e falaram a Moisés, e ao sacerdote Eleazar, e aos príncipes da congregação, dizendo:

[2]Chuaigh más ea clann Ghád agus clann Reúbaen go dtí Maois agus Eileázár an sagart agus go dtí ceannairí an chomhthionóil agus dúradar leo:

[3] Atarote, Dibom, Jazer, Ninra, Hesbom, Eleale, Sebã, Nebo e Beom,

[3]"Dúiche Atárot agus Díobon agus Iazaer agus Nimreá agus Heisbeon agus Eileálae agus Seabám agus Neabó agus Beon,

[4] a terra que o SENHOR feriu diante da congregação de Israel é terra de gado; e os teus servos têm gado.

[4]an dúiche a ghabh an Tiarna i bhfianaise chomhthionól Iosrael, is breá an talamh é do thógail stoic, agus tá stoc ag do shearbhóntaí.

[5] Disseram mais: Se achamos mercê aos teus olhos, dê-se esta terra em possessão aos teus servos; e não nos faças passar o Jordão.

[5]Más fiú sinn do chairdeas," ar siad, "tabhair an talamh seo i seilbh do shearbhóntaí; ná cuir d'iallach orainn dul thar Iordáin."

[6] Porém Moisés disse ao filhos de Gade e aos filhos de Rúben: Irão vossos irmãos à guerra, e ficareis vós aqui?

[6]Dúirt Maois le clann Ghád agus clann Reúbaen: "Tá bhur mbráithre ag dul chun cogaidh - an bhfuil sibh sásta fanacht mar a bhfuil sibh?

[7] Por que, pois, desanimais o coração dos filhos de Israel, para que não passem à terra que o SENHOR lhes deu?

[7]Cad ab áil libh ag cur drochmhisneach ar chlann Iosrael dul isteach sa tír a thug an Tiarna dóibh?

[8] Assim fizeram vossos pais, quando os enviei de Cades-Barnéia a ver esta terra.

[8]Sin é mar a rinne bhur n-aithreacha nuair a sheol mé iad ó Cháidéis Bairnéa d'fhonn an tír a bhrath.

[9] Chegando eles até ao vale de Escol e vendo a terra, descorajaram o coração dos filhos de Israel, para que não viessem à terra que o SENHOR lhes tinha dado.

[9]Ghabhadar suas go Gleann Eisciol agus thaiscéaladar an tír, ach d'fhágadar clann Iosrael gan de mhisneach acu dul isteach sa tír a thug an Tiarna dóibh.

[10] Então, a ira do SENHOR se acendeu naquele mesmo dia, e jurou, dizendo:

[10]Uime sin las fraoch feirge an Tiarna an lá sin agus mhionnaigh sé mar leanas:

[11] Certamente, os varões que subiram do Egito, de vinte anos para cima, não verão a terra que prometi com juramento a Abraão, a Isaque e a Jacó, porquanto não perseveraram em seguir-me,
[12] exceto Calebe, filho de Jefoné, o quenezeu, e Josué, filho de Num, porque perseveraram em seguir ao SENHOR.
[13] Pelo que se acendeu a ira do SENHOR contra Israel, e fê-los andar errantes pelo deserto quarenta anos, até que se consumiu toda a geração que procedera mal perante o SENHOR.
[14] Eis que vós, raça de homens pecadores, vos levantastes em lugar de vossos pais, para aumentardes ainda o furor da ira do SENHOR contra Israel.

[15] Se não quiserdes segui-lo, também ele deixará todo o povo, novamente, no deserto, e sereis a sua ruína.

[16] Então, se chegaram a ele e disseram: Edificaremos currais aqui para o nosso gado e cidades para as nossas crianças;
[17] porém nós nos armaremos, apressando-nos adiante dos filhos de Israel, até que os levemos ao seu lugar; e ficarão as nossas crianças nas cidades fortes, por causa dos moradores da terra.
[18] Não voltaremos para nossa casa até que os filhos de Israel estejam de posse, cada um, da sua herança.
[19] Porque não herdaremos com eles do outro lado do Jordão, nem mais adiante,

[11]'Ambasa nach bhfaighidh aon fhear den dream a tháinig amach as an Éigipt, atá fiche bliain nó breis, radharc ar an tír a gheallas d'Abrahám, d'Íosác, agus do Iacób. Óir níor leanadar mé go dílis -
[12]seachas Cálaeb mac Iafuna an Cinizeach agus Iósua mac Nún mar leanadar seo an Tiarna go dílis.'
[13]Las fraoch feirge an Tiarna in aghaidh Iosrael agus chuir sé le fán iad san fhásach ar feadh daichead bliain, go dtí gur díothaíodh an ghlúin a pheacaigh i láthair an Tiarna.
[14]Seo sibhse anois ag éirí in áit bhur n-aithreacha, a chraobh de cheap na bpeacaí ag cur le fraoch feirge lasánta an Tiarna in aghaidh Iosrael!
[15]Má iompaíonn sibh agus gan é a leanúint, fágfaidh sé níos sia fós san fhásach iad, agus tabharfaidh sibh díth ar an bpobal seo ar fad."
[16]Thángadar ina chóngar agus dúradar: "B'áil linn cróite a thógáil anseo dár dtréada agus cathracha dár miondaoine;
[17]ach tógfaimid féin airm inár lámha le dul ar aghaidh roimh chlann Iosrael go dtí go dtabharfaimid iad chun na háite atá in áirithe dóibh; fanfaidh ár miondaoine sna cathracha daingne, slán ó mhuintir na tíre.
[18]Ní fhillfimid ar ár mbaile go mbeidh gach duine de chlann Iosrael i seilbh a oidhreachta.
[19]Óir beimidne gan oidhreacht leosan ar an taobh eile den Iordáin nó níos sia ar

porquanto já temos a nossa herança deste lado do Jordão, ao oriente.

[20] Então, Moisés lhes disse: Se isto fizerdes assim, se vos armardes para a guerra perante o SENHOR,

[21] e cada um de vós, armado, passar o Jordão perante o SENHOR, até que haja lançado fora os seus inimigos de diante dele,

[22] e a terra estiver subjugada perante o SENHOR, então, voltareis e sereis desobrigados perante o SENHOR e perante Israel; e a terra vos será por possessão perante o SENHOR.

[23] Porém, se não fizerdes assim, eis que pecastes contra o SENHOR; e sabei que o vosso pecado vos há de achar.

[24] Edificai vós cidades para as vossas crianças e currais para as vossas ovelhas; e cumpri o que haveis prometido.

[25] Então, os filhos de Gade e os filhos de Rúben falaram a Moisés, dizendo: Como ordena meu senhor, assim farão teus servos.

[26] Nossas crianças, nossas mulheres, nossos rebanhos e todos os nossos animais estarão aí nas cidades de Gileade,

[27] mas os teus servos passarão, cada um armado para a guerra, perante o SENHOR, como diz meu senhor.

aghaidh, mar is anseo, lastoir den Iordáin, a bhaineamar amach ár n-oidhreacht."

[20]Dúirt Maois leo ansin: "Má dhéanann sibh de réir bhur mbriathra, agus arm a thógáil in bhur lámha le dul ar aghaidh sa chath roimh an Tiarna,

[21]agus má ghabhann gach duine agaibh a iompraíonn arm thar an Iordáin roimh an Tiarna, nó go dtiomáinfidh sé a naimhde go léir amach roimhe,

[22]ansin, nuair a bheidh an tír ar a láimh ag an Tiarna, ní miste sibh a fhilleadh; beidh sibh saor ó bhur ndualgas don Tiarna agus do Iosrael; agus beidh an tír seo mar sheilbh oidhreachta agaibh i láthair an Tiarna.

[23]Ach mura ndéanann sibh amhlaidh, beidh peaca á dhéanamh agaibh in aghaidh an Tiarna, agus is deimhin go dtiocfaidh bhur bpeaca oraibh.

[24]Déanaigí cathracha dá bhrí sin do bhur miondaoine agus cróite do bhur dtréada; ach déanaigí beart leis de réir bhur mbriathra."

[25]Dúirt clann Ghád agus clann Reúbaen le Maois: "Déanfaidh do shearbhóntaí mar a ordaíonn tú, a thiarna.

[26]Fanfaidh ár miondaoine, ár mná, ár dtréada, agus ár dtáinte go léir ansiúd i gcathracha Ghileád,

[27]ach do shearbhóntaí, gach fear le harm cogaidh ina láimh, rachaidh siad sall chun catha roimh an Tiarna amach mar a d'ordaigh tú, a thiarna."

[28] Então, Moisés deu ordem a respeito deles a Eleazar, o sacerdote, e a Josué, filho de Num, e aos cabeças das casas dos pais das tribos dos filhos de Israel;
[29] e disse-lhes: Se os filhos de Gade e os filhos de Rúben passarem convosco o Jordão, armado cada um para a guerra, perante o SENHOR, e a terra estiver subjugada diante de vós, então, lhes dareis em possessão a terra de Gileade;
[30] porém, se não passarem, armados, convosco, terão possessões entre vós na terra de Canaã.
[31] Responderam os filhos de Gade e os filhos de Rúben, dizendo: O que o SENHOR disse a teus servos, isso faremos.
[32] Passaremos, armados, perante o SENHOR à terra de Canaã e teremos a possessão de nossa herança deste lado do Jordão.

Distribuição da Transjordânia
Deuteronômio 3.12-17

[33] Deu Moisés aos filhos de Gade, e aos filhos de Rúben, e à meia tribo de Manassés, filho de José, o reino de Seom, rei dos amorreus, e o reino de Ogue, rei de Basã: a terra com as cidades e seus distritos, as cidades em toda a extensão do país.
[34] Os filhos de Gade edificaram Dibom, Atarote e Aroer;
[35] Atarote-Sofã, Jazer e Jogbeá;
[36] Bete-Ninra e Bete-Harã, cidades fortificadas, e currais de ovelhas.

[28]Ansin thug Maois treoracha ina dtaobh do Eileázár an sagart, do Iósua mac Nún, agus do cheannairí theaghlaigh athartha threibheanna Iosrael.
[29]Dúirt Maois leo: “Má ghabhann gach fear a iompraíonn arm de chlann Ghád agus de chlann Reúbaen thar an Iordáin libh chun troid roimh an Tiarna amach, nuair a bheidh an tír faoi smacht agaibh, ansin tugaigí tír Ghileád ina seilbh.
[30]Ach mura dtéann siad anonn faoi airm libh, ansin ní foláir dóibh a n-oidhreacht a bheith in bhur measc i dtír Chanán.”
[31]D'fhreagair clann Ghád agus clann Reúbaen: “Déanfaimid ar ordaigh an Tiarna do do shearbhóntaí.
[32]Rachaimid anonn faoi airm go tír Chanán roimh an Tiarna amach, ach ní foláir daoibh seilbh a fhágáil againn ar ár n-oidhreacht lastall den Iordáin.”
[33]Thug Maois dóibh - do chlann Ghád agus do chlann Reúbaen agus do leath-threibh Mhanaise mac Iósaef - riocht Shíochón rí na nAmórach, ríocht Óg rí Bháiseán, an fearann agus a chathracha agus a chríocha, agus cathracha na duíche timpeall.
[34]Thóg clann Ghád Díobon agus Atárot agus Aróéir,
[35]agus Atrot Siófán agus Iazaer agus Iogbahá,
[36]agus Béit Nimreá agus Béit Harán, cathracha daingne, agus cróite dá dtréada.

[37] Os filhos de Rúben edificaram Hesbom, Eleale e Quiriataim;

[38] Nebo e Baal-Meom, mudando-lhes o nome, e Sibma; e deram outros nomes às cidades que edificaram.

[39] Os filhos de Maquir, filho de Manassés, foram-se para Gileade, e a tomaram, e desapossaram os amorreus que estavam nela.

[40] Deu, pois, Moisés Gileade a Maquir, filho de Manassés, o qual habitou nela.

[41] Foi Jair, filho de Manassés, e tomou as suas aldeias; e chamou-lhes Havote-Jair.

[42] Foi Noba e tomou a Quenate com as suas aldeias; e chamou-lhe Noba, segundo o seu nome.

[37]Thóg clann Reúbaen Heisbeon agus Eileálae agus Ciriátáím

[38]agus Neabó agus Bál Meón (athraíodh a n-ainmneacha seo) agus Sibmeá. Thugadar ainmneacha ar na cathracha a thógadar.

[39]Chuaigh clann Mháicír, mac Mhanaise, go Gileád. Ghabhadar seilbh air agus thiomáineadar amach na hAmóraigh a bhí ansiúd.

[40]Thug Maois Gileád do Mháicír, mac Mhanaise, agus chuir sé faoi ann.

[41]Chuaigh Iáír, mac Mhanaise, agus ghabh Bailte Hám agus thug Bailte Iáír orthu óna ainm féin.

[42]Chuaigh Nobach agus ghabh Canát agus na bailte ina thimpeall agus thug Nobach, a ainm féin, air.

Números 33

Os acampamentos desde o Egito

[1] São estas as caminhadas dos filhos de Israel que saíram da terra do Egito, segundo os seus exércitos, sob as ordens de Moisés e Arão.

[2] Escreveu Moisés as suas saídas, caminhada após caminhada, conforme o mandado do SENHOR; e são estas as suas caminhadas, segundo as suas saídas:

[3] partiram, pois, de Ramessés no décimo quinto dia do primeiro mês; no dia seguinte ao da Páscoa, saíram os filhos de Israel, corajosamente, aos olhos de todos os egípcios,

Uimhreacha 33

Céimeanna an Aistir

[1]Seo iad céimeanna chlann Iosrael ar mbealach amach as an Éigipt ina sluaite faoi cheannas Mhaois agus Árón.

[2]Bhreacadh Maois i scríbhinn na háiteanna óna dtosaídís nuair a chuiridís chun bealaigh faoi ordú an Tiarna. Seo iad a gcéimeanna de réir na n-áiteanna ónar thosaíodar.

[3]D'fhágadar Ramasaes an chéad mhí. Ba ar an gcúigiú lá déag den chéad mhí, an lá tar éis na Cásca, a chuir clann Iosrael chun bealaigh go caithréimeach os comhair súile na nÉigipteach go léir.

[4] enquanto estes sepultavam todos os seus primogênitos, a quem o SENHOR havia ferido entre eles; também contra os deuses executou o SENHOR juízos.

[5] Partidos, pois, os filhos de Israel de Ramessés, acamparam-se em Sucote.

[6] E partiram de Sucote e acamparam-se em Etã, que está no fim do deserto.

[7] E partiram de Etã, e voltaram a Pi-Hairote, que está defronte de Baal-Zefom, e acamparam-se diante de Migdol.

[8] E partiram de Pi-Hairote, passaram pelo meio do mar ao deserto e, depois de terem andado caminho de três dias no deserto de Etã, acamparam-se em Mara.

[9] E partiram de Mara e vieram a Elim. Em Elim, havia doze fontes de águas e setenta palmeiras; e acamparam-se ali.

[10] E partiram de Elim e acamparam-se junto ao mar Vermelho;

[11] partiram do mar Vermelho e acamparam-se no deserto de Sim;

[12] partiram do deserto de Sim e acamparam-se em Dofca;

[13] partiram de Dofca e acamparam-se em Alus;

[14] partiram de Alus e acamparam-se em Refidim, porém não havia ali água, para que o povo bebesse;

[4]Bhí na hÉigiptigh ag adhlacadh ar mharaigh an Tiarna dá muintir féin, gach céadghin leo; bhí breith tugtha ag an Tiarna ar a ndéithe.

[5]Chuir clann Iosrael chun bealaigh ó Ramasaes agus shuíodar a gcampa i Sucót.

[6]Ansin chuireadar chun bealaigh ó Shucót agus shuíodar a gcampa in Éatám ar imeall an fhásaigh

[7]Chuireadar chun bealaigh ó Éatám agus d'fhilleadar go Pí Haichíórót atá soir ó Bhálzafón, agus shuíodar a gcampa i Migdeol.

[8]Chuireadar chun bealaigh ó Phí Haichíórót agus ghabhadar thar farraige isteach san fhásach; tar éis aistear trí lá a dhéanamh i bhfásach Éatám, shuíodar a gcampa i Márá.

[9]Chuireadar chun bealaigh ó Mhárá agus shroicheadar Éilím; bhí deich dtobar fíoruisce agus seachtó crann pailme in Éilím agus shuíodar a gcampa ann.

[10]Chuireadar chun bealaigh ó Éilím agus shuíodar a gcampa ag Muir na nGiolcach.

[11]Chuireadar chun bealaigh ó Mhuir na nGiolcach agus shuíodar a gcampa i bhfásach Shín.

[12]Chuireadar chun bealaigh ó fhásach Shín agus shuíodar a gcampa i nDofcá.

[13]Chuireadar chun bealaigh ó Dhofcá agus shuíodar a gcampa in Álúis.

[14]Chuireadar chun bealaigh ó Álúis agus shuíodar a gcampa i Rifídím mar nach raibh aon uisce ag an bpobal le hól ann.

[15] partiram de Refidim e acamparam-se no deserto do Sinai;

[15]Chuireadar chun bealaigh ó Rifídím agus shuíodar a gcampa i bhfásach Shíonái.

[16] partiram do deserto do Sinai e acamparam-se em Quibrote-Hataavá;

[16]Chuireadar chun bealaigh ó fhásach Shíonái agus shuíodar a gcampa i gCiobrot Hatavá.

[17] partiram de Quibrote-Hataavá e acamparam-se em Hazerote;

[17]Chuireadar chun bealaigh ó Chiobrot Hatavá agus shuíodar a gcampa i Hazaerot.

[18] partiram de Hazerote e acamparam-se em Ritma;

[18]Chuireadar chun bealaigh ó Hazaerot agus shuíodar a gcampa i Ritmeá.

[19] partiram de Ritma e acamparam-se em Rimom-Perez;

[19]Chuireadar chun bealaigh ó Ritmeá agus shuíodar a gcampa i Riomon Peiriz.

[20] partiram de Rimom-Perez e acamparam-se em Libna;

[20]Chuireadar chun bealaigh ó Riomon Peiriz agus shuíodar a gcampa i Libneá.

[21] partiram de Libna e acamparam-se em Rissa;

[21]Chuireadar chun bealaigh ó Libneá agus shuíodar a gcampa i Riosá.

[22] partiram de Rissa e acamparam-se em Queelata;

[22]Chuireadar chun bealaigh ó Riosá agus shuíodar a gcampa i gCahaelátá.

[23] partiram de Queelata e acamparam-se no monte Sefer;

[23]Chuireadar chun bealaigh ó Chahaelátá agus shuíodar a gcampa ag Sliabh Sheifir.

[24] partiram do monte Sefer e acamparam-se em Harada;

[24]Chuireadar chun bealaigh ó Shliabh Sheifir agus shuíodar a gcampa i Harádá.

[25] partiram de Harada e acamparam-se em Maquelote;

[25]Chuireadar chun bealaigh ó Harádá agus shuíodar a gcampa i Macaelot.

[26] partiram de Maquelote e acamparam-se em Taate;

[26]Chuireadar chun bealaigh ó Mhacaelot agus shuíodar a gcampa i dTáchat.

[27] partiram de Taate e acamparam-se em Tera;

[27]‘Chuireadar chun bealaigh ó Tháchat agus shuíodar a gcampa i dTárach.

[28] partiram de Tera e acamparam-se em Mitca;

[28]Chuireadar chun bealaigh ó Thárach agus shuíodar a gcampa i Mitceá.

[29] partiram de Mitca e acamparam-se em Hasmona;

[29]Chuireadar chun bealaigh ó Mhitceá agus shuíodar a gcampa i Haismioná.

[30] partiram de Hasmona e acamparam-se em Moserote;

[30]Chuireadar chun bealaigh ó Haismioná agus shuíodar a gcampa i Mosaerót.

[31] partiram de Moserote e acamparam-se em Benê-Jaacã;

[32] partiram de Benê-Jaacã e acamparam-se em Hor-Hagidgade;

[33] partiram de Hor-Hagidgade e acamparam-se em Jotbatá;

[34] partiram de Jotbatá e acamparam-se em Abrona;

[35] partiram de Abrona e acamparam-se em Eziom-Geber;

[36] partiram de Eziom-Geber e acamparam-se no deserto de Zim, que é Cades;

[37] partiram de Cades e acamparam-se no monte Hor, na fronteira da terra de Edom.

A morte de Arão
Números 20.22-29

[38] Então, Arão, o sacerdote, subiu ao monte Hor, segundo o mandado do SENHOR; e morreu ali, no quinto mês do ano quadragésimo da saída dos filhos de Israel da terra do Egito, no primeiro dia do mês.

[39] Era Arão da idade de cento e vinte e três anos, quando morreu no monte Hor.

[40] Então, ouviu o cananeu, rei de Arade, que habitava o Sul da terra de Canaã, que chegavam os filhos de Israel.

[41] E partiram do monte Hor e acamparam-se em Zalmona;

[42] partiram de Zalmona e acamparam-se em Punom;

[31]Chuireadar chun bealaigh ó Mhosaerót agus shuíodar a gcampa i mBeiné Iacán.

[32]Chuireadar chun bealaigh ó Bheiné Iacán agus shuíodar a gcampa i Hor Haigidgeád.

[33]Chuireadar chun bealaigh ó Hor Haigidgeád agus shuíodar a gcampa in Iotbátá.

[34]Chuireadar chun bealaigh ó Iotbátá agus shuíodar a gcampa in Abroná.

[35]Chuireadar chun bealaigh ó Abroná agus shuíodar a gcampa in Eizion Geibir.

[36]Chuireadar chun bealaigh ó Eizion Geibir agus shuíodar a gcampa i bhfásach Zin, Cáidéis is é sin.

[37]Chuireadar chun bealaigh ó Cháidéis agus shuíodar a gcampa i Sliabh Hor, ar imeall chríoch Eadóm.

[38]Ghabh Árón an sagart suas Sliabh Hor faoi ordú an Tiarna agus fuair sé bás ansiúd sa daicheadú bliain tar éis d'Iosrael teacht as an Éigipt, sa chúigiú mí agus ar an gcéad lá den chúigiú mí sin.

[39]Bhí Árón céad agus a fiche trí bliain d'aois nuair a d'éag sé ar Shliabh Hor.

[40]An Canánach, rí Arád, a chónaigh sa Neigib i dtír Chanán, chuala sé i dtaobh clann Iosrael a theacht.

[41]Chuireadar chun bealaigh ó Shliabh Hor agus shuíodar a gcampa i Zalmoná.

[42]Chuireadar chun bealaigh ó Zalmoná agus shuíodar a gcampa i bPúnon.

[43] partiram de Punom e acamparam-se em Obote;

[44] partiram de Obote e acamparam-se em Ijé-Abarim, no limite de Moabe;

[45] partiram de Ijé-Abarim e acamparam-se em Dibom-Gade;

[46] partiram de Dibom-Gade e acamparam-se em Almom-Diblataim;

[47] partiram de Almom-Diblataim e acamparam-se nos montes de Abarim, defronte de Nebo;

[48] partiram dos montes de Abarim e acamparam-se nas campinas de Moabe, junto ao Jordão, na altura de Jericó.

[49] E acamparam-se junto ao Jordão, desde Bete-Jesimote até Abel-Sitim, nas campinas de Moabe.

Deus manda lançar fora os moradores de Canaã

[50] Disse o SENHOR a Moisés, nas campinas de Moabe, junto ao Jordão, na altura de Jericó:

[51] Fala aos filhos de Israel e dize-lhes: Quando houverdes passado o Jordão para a terra de Canaã,

[52] desapossareis de diante de vós todos os moradores da terra, destruireis todas as pedras com figura e também todas as suas imagens fundidas e deitareis abaixo todos os seus ídolos;

[53] tomareis a terra em possessão e nela habitareis, porque esta terra, eu vo-la dei para a possuirdes;

[43]Chuireadar chun bealaigh ó Phúnon agus shuíodar a gcampa in Obot.

[44]Chuireadar chun bealaigh ó Obot agus shuíodar a gcampa in Ié Abáraím i gcríocha Mhóáb.

[45]Chuireadar chun bealaigh ó Iím agus shuíodar a gcampa i nDíobon Gád.

[46]Chuireadar chun bealaigh ó Dhíobon Gád agus shuíodar a gcampa in Almon Dibleátáím.

[47]Chuireadar chun bealaigh ó Almon Dibleátáím agus shuíodar a gcampa i Sléibhte Abáraím, sall ó Neabó.

[48]Chuireadar chun bealaigh ó Shléibhte Abáraím agus shuíodar a gcampa i machairí Mhóáb láimh leis an Iordáin os comhair Ireachó sall.

[49]Shuíodar a gcampa láimh leis an Iordáin idir Béit-ha-Isimiot agus Ábael-ha-Sitím ar mhachairí Mhóáb.

Roinnt Chanán

[50]Labhair an Tiarna le Maois ar mhachairí Mhóáb láimh leis an Iordáin sall ó Ireachó, agus dúirt:

[51]“Abair le clann Iosrael: ‘Nuair a ghabhann sibh thar an Iordáin isteach i dtír Chanán,

[52]ansin ní foláir daoibh an mhuintir go léir atá ina gcónaí sa tír a thiomáint amach romhaibh, agus a gclocha greanta go léir a scrios, agus a ndealbha leáite a scrios, agus a n-áiteanna arda go léir a scartáil.

[53]Gabhaigí seilbh ar an tír agus cuirigí fúibh ann, óir thug mé an tír daoibh mar shealúchas.

[54] herdareis a terra por sortes, segundo as vossas famílias; à tribo mais numerosa dareis herança maior; à pequena, herança menor. Onde lhe cair a sorte, esse lugar lhe pertencerá; herdareis segundo as tribos de vossos pais.

[54]Ní foláir daoibh é a roinnt ar cranna idir bhur bhfiní. D'fhine mór tugaigí oidhreacht bhreise, agus d'fhine beag oidhreacht níos lú. Mar a dtitfidh an crann, do gach duine, sin é a bheidh aige. Bíodh bhur n-oidhreacht agaibh de réir na dtreibheanna sinseartha.

[55] Porém, se não desapossardes de diante de vós os moradores da terra, então, os que deixardes ficar ser-vos-ão como espinhos nos vossos olhos e como aguilhões nas vossas ilhargas e vos perturbarão na terra em que habitardes.

[55]Mura dtiomáineann sibh dúchasaigh na tíre amach romhaibh, ansin iad siúd a fhágfaidh sibh ann, beidh siad mar dhealga in bhur súile agus mar bhioranna in bhur gcliatháin; ciapfaidh siad sibh sa tír ina mbeidh cónaí oraibh,

[56] E será que farei a vós outros como pensei fazer-lhes a eles.

[56]agus tabharfaidh mé oraibhse an íde a mheasas a thabhairt orthusan.' "

Números 34

Os confins da terra

[1] Disse mais o SENHOR a Moisés:

[2] Dá ordem aos filhos de Israel e dize-lhes: Quando entrardes na terra de Canaã, será esta a que vos cairá em herança: a terra de Canaã, segundo os seus limites.

[3] A região sul vos será desde o deserto de Zim até aos limites de Edom; e o limite do sul vos será desde a extremidade do mar Salgado para o lado oriental.

[4] Este limite vos irá rodeando do sul para a subida de Acrabim e passará até Zim; e as suas saídas serão do sul a Cades-Barnéia; e sairá a Hazar-Adar e passará a Azmom.

[5] Rodeará mais este limite de Azmom até ao ribeiro do Egito; e as suas saídas serão para o lado do mar.

Uimhreacha 34

[1]Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

[2]"Tabhair an t-ordú seo leanas do chlann Iosrael: 'Nuair a rachaidh sibh isteach i dtír Chanán, seo iad na críocha a bheidh mar oidhreacht agaibh; seo é tír Chanán á rianú ag a theorainneacha:

[3]Sínfidh deisceart bhur gcríoch ó fhásach Zin ar theorainn Eadóm. Tosóidh teorainn theas bhur dtíre ag imeall Mhuir an tSalainn thoir

[4]agus casfaidh sí ó dheas i dtreo Ard na Scairpeanna agus trasna go Zin agus ag stad laisteas de Cháidéis Bairnéa; rachaidh sí as sin i dtreo Hazar Adár agus ar aghaidh go Azmon.

[5]Casfaidh an teorainn ó Azmon i dtreo Shileán na hÉigipte agus stadfaidh sí ag an Muir.

[6] Por vosso limite ocidental tereis o mar Grande; este vos será a fronteira do ocidente.

[7] Este vos será o limite do norte: desde o mar Grande marcareis ao monte Hor.

[8] Desde o monte Hor marcareis até à entrada de Hamate; e as saídas deste limite serão até Zedade;

[9] dali, seguirá até Zifrom, e as suas saídas serão em Hazar-Enã; este vos será o limite do norte.

[10] E, por limite do lado oriental, marcareis de Hazar-Enã até Sefã.

[11] O limite descerá desde Sefã até Ribla, para o lado oriental de Aim; depois, descerá este e irá ao longo da borda do mar de Quinerete para o lado oriental;

[12] descerá ainda ao longo do Jordão, e as suas saídas serão no mar Salgado; esta vos será a terra, segundo os limites de seu contorno.

[13] Moisés deu ordem aos filhos de Israel, dizendo: Esta é a terra que herdareis por sortes, a qual o SENHOR mandou dar às nove tribos e à meia tribo.

[14] Porque a tribo dos filhos dos rubenitas, segundo a casa de seus pais, e a tribo dos filhos dos gaditas, segundo a casa de seus pais, já receberam; também a meia tribo de Manassés já recebeu a sua herança.

[15] Estas duas tribos e meia receberam a sua herança deste lado do Jordão, na altura de Jericó, do lado oriental.

[6]Beidh an Mhuir Mhór ar bhur bhfeorainn agus is í a bheidh mar theorainn thiar agaibh.

[7]Sé seo a bheidh mar theorainn thuaidh agaibh: tarraing líne duit féin ón Muir Mhór go Sliabh Hor;

[8]ansin ó Shliabh Hor tarraing líne go Bealach Hamát, agus beidh deireadh na teorann ag Zadád.

[9]As sin sínfidh an teorainn ar aghaidh go Ziofron agus beidh deireadh léi ag Hazar Éarnán. Sin í bhur dteorainn thuaidh.

[10]Ansin cinntígí bhur dteorainn thoir ó Hazar Éanan go Seafám.

[11]Rachaidh an teorainn ó dheas ó Sheafám go Ribleá lastoir de Áín. Níos sia ó dheas fanfaidh sí lastoir de Mhuir Chinirit.

[12]Ansin leanfaidh an teorainn an Iordáin agus beidh deireadh léi ag Muir an tSalainn. Sin é agaibh bhur dtír lena theorainneacha mórthimpeall.' ”

[13]Ansin thug Maois ordú do chlann Iosrael á rá: “Sin é an tír atá le roinnt ar cranna agaibh, an tír a d'aithin an Tiarna a thabhairt do na naoi dtreibheanna go leith;

[14]óir treibh chlann Reúbaen gona bhfiní sinseartha, agus treibh chlann Ghád gona bhfiní sinseartha, tá a n-oidhreacht faighte acu cheana féin; mar an gcéanna le leath threibh Mhanaise.

[15]Tá a n-oidhreacht faighte ag an dá threibh go leith sin cheana féin lastall den

Iordáin ar aghaidh Ireachó sall, soir i dtreo éirí gréine.”

Os homens que devem repartir a terra

16 Disse mais o SENHOR a Moisés:

17 São estes os nomes dos homens que vos repartirão a terra por herança: Eleazar, o sacerdote, e Josué, filho de Num.

18 Tomareis mais de cada tribo um príncipe, para repartir a terra em herança.

19 São estes os nomes dos homens: da tribo de Judá, Calebe, filho de Jefoné;

20 da tribo dos filhos de Simeão, Samuel, filho de Amiúde;

21 da tribo de Benjamim, Elidade, filho de Quislom;

22 da tribo dos filhos de Dã, o príncipe Buqui, filho de Jogli;

23 dos filhos de José, da tribo dos filhos de Manassés, o príncipe Haniel, filho de Éfode;

24 da tribo dos filhos de Efraim, o príncipe Quemuel, filho de Siftã;

25 da tribo dos filhos de Zebulom, o príncipe Elizafã, filho de Parnaque;

26 da tribo dos filhos de Issacar, o príncipe Paltiel, filho de Azã;

27 da tribo dos filhos de Aser, o príncipe Aiúde, filho de Selomi;

28 da tribo dos filhos de Naftali, o príncipe Pedael, filho de Amiúde.

29 A estes o SENHOR ordenou que repartissem a herança pelos filhos de Israel, na terra de Canaã.

Na Taoisigh a Roinnfidh

16Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

17“Seo iad ainmneacha na dtaoiseach a roinnfidh an fearann oraibh mar oidhreacht: Eileázár an sagart agus Iósua mac Nún;

18tógaigí taoiseach as gach treibh chun an fearann a roinnt mar oidhreacht.

19Seo iad ainmneacha na bhfear sin: Do threibh Iúdá, Cálaeb mac Iafuna.

20Do threibh chlann Shímeon, Seamúéil mac Aimíohúd.

21Do threibh Bhiniáimin, Eilídeád mac Chisleon.

22Do threibh chlann Dhán, mar thaoiseach, Bucaí mac Ioglaí.

23Do chlann Iósaef: do threibh chlann Mhanaise, mar thaoiseach, Hainíéil mac Éafod.

24Do threibh chlann Eafráim, mar thaoiseach, Camúéil mac Shifteán.

25Do threibh chlann Zabúlun, mar thaoiseach, Eilíozáfán mac Pharnác.

26Do threibh chlann Íosácár, mar thaoiseach, Pailtíéil mac Azán.

27Do threibh chlann Áiséar, mar thaoiseach, Aichíhiúd mac Shealomaí.

28Do threibh chlann Naftáilí, mar thaoiseach, Padahael mac Aimíohúd.”

29Sin iad na fir dár ordaigh an Tiarna tír Chanán a roinnt mar oidhreacht ar chlann Iosrael.

Números 35

Uimhreacha 35

As cidades dos levitas

[1] Disse mais o SENHOR a Moisés, nas campinas de Moabe, junto ao Jordão, na altura de Jericó:

[2] Dá ordem aos filhos de Israel que, da herança da sua possessão, dêem cidades aos levitas, em que habitem; e também, em torno delas, dareis aos levitas arredores para o seu gado.

[3] Terão eles estas cidades para habitá-las; porém os seus arredores serão para o gado, para os rebanhos e para todos os seus animais.

[4] Os arredores das cidades que dareis aos levitas, desde o muro da cidade para fora, serão de mil côvados em redor.

[5] Fora da cidade, do lado oriental, medireis dois mil côvados; do lado sul, dois mil côvados; do lado ocidental, dois mil côvados e do lado norte, dois mil côvados, ficando a cidade no meio; estes lhes serão os arredores das cidades.

[6] Das cidades, pois, que dareis aos levitas, seis haverá de refúgio, as quais dareis para que, nelas, se acolha o homicida; além destas, lhes dareis quarenta e duas cidades.

[7] Todas as cidades que dareis aos levitas serão quarenta e oito cidades, juntamente com os seus arredores.

[8] Quanto às cidades que derdes da herança dos filhos de Israel, se for numerosa a tribo, tomareis muitas; se for pequena, tomareis poucas; cada um dará das suas

Cion na Léivíteach

[1]Labhair an Tiarna le Maois ar bhánta Mhóáb láimh leis an Iordáin os comhair Ireachó sall agus dúirt:

[2]“Ordaigh do chlann Iosrael cathracha le cónaí iontu, agus talamh féaraigh timpeall na gcathracha, a thabhairt do na Léivítigh as an oidhreacht ina seilbh; tugaigí an méid sin do na Léivítigh.

[3]Bíodh na cathracha mar bhaile acu agus an féarach máguaird acu dá n-eallach, dá stoc, agus dá n-ainmhithe go léir.

[4]Féarach na gcathracha máguaird a thabharfaidh sibh do na Léivítigh, síneadh sé míle banlámh ó bhallaí na cathrach amach ar gach taobh.

[5]Lasmuigh den chathair déanaigí dhá mhíle banlámh a thomhas lastoir, agus dhá mhíle banlámh laisteas, agus dhá mhíle banlámh laistiar, agus dhá mhíle banlámh lastuaidh, agus an baile i lár baill; bíodh sin ina thalamh féaraigh ag na cathracha seo.

[6]Ar na cathracha a thabharfaidh sibh do na Léivítigh, beidh sé chathair thearmainn, mar a gceadóidh sibh don lámh dhearg teitheadh; agus ina dteannta tugaigí dhá chathair agus daichead eile.

[7]Tugaigí ocht gcathair agus daichead ar fad do na Léivítigh mar aon lena dtalamh féaraigh.

[8]Maidir leis na cathracha a thabharfaidh sibh do na Léivítigh as sealúchas chlann Iosrael, ón muintir ag a bhfuil breis tugaigí breis, agus ón muintir ag a bhfuil níos lú,

cidades aos levitas, na proporção da herança que lhe tocar.

Seis cidades de refúgio
Deuteronômio 4.41-43; 19.1-3

9 Disse mais o SENHOR a Moisés:

10 Fala aos filhos de Israel e dize-lhes: Quando passardes o Jordão para a terra de Canaã,

11 escolhei para vós outros cidades que vos sirvam de refúgio, para que, nelas, se acolha o homicida que matar alguém involuntariamente.

12 Estas cidades vos serão para refúgio do vingador do sangue, para que o homicida não morra antes de ser apresentado perante a congregação para julgamento.

13 As cidades que derdes serão seis cidades de refúgio para vós outros.

14 Três destas cidades dareis deste lado do Jordão e três dareis na terra de Canaã; cidades de refúgio serão.

15 Serão de refúgio estas seis cidades para os filhos de Israel, e para o estrangeiro, e para o que se hospedar no meio deles, para que, nelas, se acolha aquele que matar alguém involuntariamente.

Execução do homicida
Deuteronômio 19.11-13

16 Todavia, se alguém ferir a outrem com instrumento de ferro, e este morrer, é homicida; o homicida será morto.

17 Ou se alguém ferir a outrem, com pedra na mão, que possa causar a morte, e este

tugaigí níos lú. Tugadh gach duine cathracha dá chuid do na Léivítigh de réir méid na hoidhreachta a fuair sé féin."

Cathracha Tearmainn

9Labhair an Tiarna le Maois agus dúirt:

10"Abair é seo le clann Iosrael: Nuair rachaidh sibh thar Iordáin trasna go tír Chanán,

11ansin roghnaígí cathracha le bheith ina gcathracha seo mar thearmainn agaibh ón díoltach fola i dhéanann marú gan bheartú dídean.

12Bíodh na cathracha seo mar thearmannn agaibh ón díoltach fola i dtreo nach mbásófaí an marfóir gan é thabhairt chun breithe os comhair an chomhthionóil.

13Na cathracha seo a thabharfaidh sibh, bídís ina sé cathracha tearmainn.

14Tabharfaidh sibh trí chathair lastall den Iordáin agus trí chathair i dtír Chanán le bheith ina gcathracha tearmainn.

15Beidh na sé cathracha seo mar thearmann ag clann Iosrael agus ag an gcoimhthíoch agus ag an deoraí atá ag cur faoi ina measc, i dtreo gur féidir don té a dhéanann marú cinniúnach teitheadh iontu.

16Ach más amhlaidh a bhuail sé an duine le huirlis iarainn agus gur mharaigh; is dúnmharfóir é. Ní foláir an dúnmharfóir a chur chun báis.

17Má bhuail sé é le cloch, sás a mharaithe, ina láimh agus gur mharaigh, is

morrer, é homicida; o homicida será morto.

dúnmharfóir é; ní foláir an dúnmharfóir a chur chun báis.

[18] Ou se alguém ferir a outrem com instrumento de pau que tiver na mão, que possa causar a morte, e este morrer, é homicida; o homicida será morto.

[18]Nó más amhlaidh a bhuail sé é le harm maide, sás a mharaithe, agus gur mharaigh, is dúnmharfóir é. Ní foláir an dúnmharfóir a chur chun báis.

[19] O vingador do sangue, ao encontrar o homicida, matá-lo-á.

[19]Cuireadh an díoltach fola féin an dúnmharfóir chun báis. Nuair a bhuaileann sé leis, cuireadh sé chun báis é.

[20] Se alguém empurrar a outrem com ódio ou com mau intento lançar contra ele alguma coisa, e ele morrer,

[20]Má thug an marfóir drochíde le barr fuatha ar an duine, nó má chaith sé urchar marfach gan choinne leis chun é a leagan ar lár,

[21] ou, por inimizade, o ferir com a mão, e este morrer, será morto aquele que o feriu; é homicida; o vingador do sangue, ao encontrar o homicida, matá-lo-á.

[21]nó má bhuail sé buille dhorn marfach air le holc, ansin ní foláir an té a bhuail an buille a chur chun báis; is dúnmharfóir é; ní foláir don díoltach fola é a chur chun báis nuair a bhuaileann sé leis.

Privilégios oferecidos pelas cidades de refúgio
Deuteronômio 19.4-10

[22] Porém, se o empurrar subitamente, sem inimizade, ou contra ele lançar algum instrumento, sem mau intento,

[22]Ach más trí chinniúint a thug sé drochíde ar an duine, gan mhailís, nó má chaith sé urchar leis agus gan a bheith i luíochán air,

[23] ou, não o vendo, deixar cair sobre ele alguma pedra que possa causar-lhe a morte, e ele morrer, não sendo ele seu inimigo, nem o tendo procurado para o mal,

[23]nó má scaoil sé cloch sás a mharaithe anuas air gan é a fheiceáil agus gur mharaigh sé é amhlaidh sin, chomh fada is nach raibh olc aige dó nó drochrún aige chuige,

[24] então, a congregação julgará entre o matador e o vingador do sangue, segundo estas leis,

[24]ansin ní foláir don chomhthionól breith a thabhairt de réir na rialacha seo idir an té a rinne an marú agus an díoltach fola,

[25] e livrará o homicida da mão do vingador do sangue, e o fará voltar à sua cidade de refúgio, onde se tinha acolhido; ali, ficará

[25]agus an marfóir a shaoradh ar an gcuma sin ó láimh an díoltach fola. Cuirfidh an comhthionól ar ais é go dtí an chathair

até à morte do sumo sacerdote, que foi ungido com o santo óleo.

[26] Porém, se, de alguma sorte, o homicida sair dos limites da sua cidade de refúgio, onde se tinha acolhido,

[27] e o vingador do sangue o achar fora dos limites dela, se o vingador do sangue matar o homicida, não será culpado do sangue.

[28] Pois deve ficar na sua cidade de refúgio até à morte do sumo sacerdote; porém, depois da morte deste, o homicida voltará à terra da sua possessão.

[29] Estas coisas vos serão por estatuto de direito a vossas gerações, em todas as vossas moradas.

[30] Todo aquele que matar a outrem será morto conforme o depoimento das testemunhas; mas uma só testemunha não deporá contra alguém para que morra.

[31] Não aceitareis resgate pela vida do homicida que é culpado de morte; antes, será ele morto.

[32] Também não aceitareis resgate por aquele que se acolher à sua cidade de refúgio, para tornar a habitar na sua terra, antes da morte do sumo sacerdote.

[33] Assim, não profanareis a terra em que estais; porque o sangue profana a terra; nenhuma expiação se fará pela terra por causa do sangue que nela for derramado, senão com o sangue daquele que o derramou.

thearmainn mar ar theith sé; fanadh sé ansiúd go bhfaighe an t-ardsagart a ungadh leis an ola choisricthe bás.

[26]Má théann an marfóir aon uair thar teorainneacha na cathrach tearmainn dár theith sé,

[27]agus go bhfaigheann an díoltach fola greim air lasmuigh de theorainneacha a chathrach tearmainn, ní cás don díoltach é a mharú gan cion a fhola air.

[28]Óir ní foláir don mharfóir fanacht ina chathair thearmainn go bhfaighe an t-ardsagart bás; tar éis bhás an ardsagairt tá cead ag an marfóir filleadh ar an áit ina bhfuil a mhaoin.

[29]Bíodh feidhm dlí agus reachta ag na treoracha sin agaibhse agus ag bhur sliocht cibé áit ina mbíonn cónaí oraibh,

[30]i gcás gach marú is ar fhianaise finnéithe nach foláir an marfóir a chur chun báis; ní chuirfear aon duine chun báis ar fhianaise duine aonair.

[31]Ná glacaigí éiric ar son anam marfóra a daoradh chun báis; ní foláir é a chur chun báis.

[32]Agus ná glacaigí éiric ar son duine a theith chun cathrach tearmainn ach ar mian leis filleadh agus maireachtáil sa bhaile roimh bhás don ardsagart.

[33]Ná truailligí an talamh ina gcónaíonn sibh. Truaillíonn fuil an talamh agus níl leorghníomh ann don talamh ar son na fola a dhoirtear ann ach fuil an té a dhoirt é.

[34] Não contaminareis, pois, a terra na qual vós habitais, no meio da qual eu habito; pois eu, o SENHOR, habito no meio dos filhos de Israel.

Números 36

Casamento de herdeiras

[1] Chegaram os cabeças das casas paternas da família dos filhos de Gileade, filho de Maquir, filho de Manassés, das famílias dos filhos de José, e falaram diante de Moisés e diante dos príncipes, cabeças das casas paternas dos filhos de Israel,

[2] e disseram: O SENHOR ordenou a meu senhor que dê esta terra por sorte em herança aos filhos de Israel; e a meu senhor foi ordenado pelo SENHOR que a herança do nosso irmão Zelofeade se desse a suas filhas.

[3] Porém, casando-se elas com algum dos filhos das outras tribos dos filhos de Israel, então, a sua herança seria diminuída da herança de nossos pais e acrescentada à herança da tribo a que vierem pertencer; assim, se tiraria da nossa herança que nos tocou em sorte.

[4] Vindo também o Ano do Jubileu dos filhos de Israel, a herança delas se acrescentaria à herança da tribo daqueles a que vierem pertencer; assim, a sua herança será tirada da tribo de nossos pais.

[5] Então, Moisés deu ordem aos filhos de Israel, segundo o mandado do SENHOR, dizendo: A tribo dos filhos de José fala o que é justo.

[34]Na truailligí an talamh ina gcónaíonn sibh, a mairimse ina chrioslach; óir mairimse, an Tiarna, i measc chlann Iosrael."

Uimhreacha 36

Oidhreacht Mhná

[1]Ansin tháinig cinn finí shliocht chlann Ghileád mac Mháicír mac Mhanaise, sliocht de chlann Iósaef, chun tosaigh agus labhraíodar le Maois agus leis na taoisigh, cinn finí chlann Iosrael, agus dúradar:

[2]"D'ordaigh an Tiarna duit, a uasail, an talamh a roinnt ar cranna ar chlann Iosrael. Agus d'ordaigh an Tiarna duit, a uasail, oidhreacht ar ndearthár Zalofachád a thabhairt dá iníonacha.

[3]Anois má phósann siadsan duine as treibh eile de chlann Iosrael bainfear a maoin d'oidhreacht ár n-aithreacha. Cuirfear breis le maoin na treibhe lena mbainfidh siad, agus laghdófar ar an maoin a roinneadh orainne.

[4]Nuair a thiocfaidh iubhaile chlann Iosrael ansin cuirfear a n-oidhreacht sin le hoidhreacht na treibhe lena mbainfidh siad ansin, agus bainfear í d'oidhreacht threibh ár n-aithreacha."

[5]Ar ordú an Tiarna thug Maois an bhreith seo do chlann Iosrael; dúirt sé: "Tá an ceart ag treibh chlann Iósaef.

[6] Esta é a palavra que o SENHOR mandou acerca das filhas de Zelofeade, dizendo: Sejam por mulheres a quem bem parecer aos seus olhos, contanto que se casem na família da tribo de seu pai.	[6]Seo é breith an Tiarna i gcás iníonacha Zalofachád: 'Pósaidís a rogha, ach pósaidís laistigh de shliocht threibh a n-athar.
[7] Assim, a herança dos filhos de Israel não passará de tribo em tribo; pois os filhos de Israel se hão de vincular cada um à herança da tribo de seus pais.	[7]Níl oidhreacht chlann Iosrael le hathrú ó threibh go treibh, óir tá gach fear ar chlann Iosrael le cloí le hoidhreacht threibh a aithreacha.
[8] Qualquer filha que possuir alguma herança das tribos dos filhos de Israel se casará com alguém da família da tribo de seu pai, para que os filhos de Israel possuam cada um a herança de seus pais.	[8]Agus gach iníon ag a bhfuil oidhreacht i dtreibh de chlann Iosrael, ní foláir di pósadh i bhfine de threibh a hathar, i dtreo go mbeidh oidhreacht a aithreacha ag gach duine de chlann Iosrael.
[9] Assim, a herança não passará de uma tribo a outra; pois as tribos dos filhos de Israel se hão de vincular cada uma à sua herança.	[9]Ná hathraítear aon oidhreacht ó threibh go treibh eile; cloíodh gach treibh de chlann Iosrael lena n-oidhreacht féin.' "
[10] Como o SENHOR ordenara a Moisés, assim fizeram as filhas de Zelofeade,	[10]Rinne iníonacha Zalofachád mar a d'aithin an Tiarna do Mhaois.
[11] pois Macla, Tirza, Hogla, Milca e Noa, filhas de Zelofeade, se casaram com os filhos de seus tios paternos.	[11]Phós Machlá, Tirzeá, agus Hoglá, agus Milceá, agus Noá, iníonacha Zalofachád, mic deartháireacha a n-athar.
[12] Casaram-se nas famílias dos filhos de Manassés, filho de José, e a herança delas permaneceu na tribo da família de seu pai.	[12]Ós rud é gur phósadar i bhfiní chlann Mhanaise mhic Iósaef, d'fhill a n-oidhreacht ar threibh fhine a n-athar.
	Dúnadh
[13] São estes os mandamentos e os juízos que ordenou o SENHOR, por intermédio de Moisés, aos filhos de Israel nas campinas de Moabe, junto ao Jordão, na altura de Jericó.	[13]Sin iad na haitheanta agus na dlithe a d'aithin an Tiarna do chlann Iosrael trí Mhaois ar bhánta Mhóáb láimh leis an Iordáin sall ó Ireachó.

O quinto livro de Moisés chamado Deuteronômio

Deuteronômio 1

O Primeiro Discurso de Moisés na Planície do Jordão
Moisés conta a história de Israel

[1] São estas as palavras que Moisés falou a todo o Israel, dalém do Jordão, no deserto, na Arabá, defronte do mar de Sufe, entre Parã, Tofel, Labã, Hazerote e Di-Zaabe.

[2] Jornada de onze dias há desde Horebe, pelo caminho da montanha de Seir, até Cades-Barnéia.

[3] Sucedeu que, no ano quadragésimo, no primeiro dia do undécimo mês, falou Moisés aos filhos de Israel, segundo tudo o que o SENHOR lhe mandara a respeito deles,

[4] depois que feriu a Seom, rei dos amorreus, que habitava em Hesbom, e a Ogue, rei de Basã, que habitava em Astarote, em Edrei.

[5] Além do Jordão, na terra de Moabe, encarregou-se Moisés de explicar esta lei, dizendo:

[6] O SENHOR, nosso Deus, nos falou em Horebe, dizendo: Tempo bastante haveis estado neste monte.

[7] Voltai-vos e parti; ide à região montanhosa dos amorreus, e a todos os seus vizinhos, na Arabá, e à região montanhosa, e à baixada, e ao Neguebe, e à costa marítima, terra dos cananeus, e ao Líbano, até ao grande rio Eufrates.

Deotranaimí

Deotranaimí 1

Céad Aitheasc Mhaois
Am - Log

[1]Seo iad na briathra a labhair Maois le hIosrael go léir lastall den Iordáin. (San fhásach san Arabá sall ó Shúf idir Párán agus Toifil agus Lábán agus Hazaerot agus Dí Zácháb.

[2]Tá aistear aon lá dhéag ó Horaeb go Cáidéis Bairnéa ar bhealach Shliabh Shaeír.)

[3]Ba ar an daicheadú lá, ar an gcéad lá den aonú mí dhéag, a labhair Maois le clann Iosrael de réir gach treoir a fuair sé dóibh ón Tiarna.

[4]Bhí an lámh uachtair faighte aige ar Shíochon rí na nAmórach a chónaigh i Heisbeon, agus ar Óg rí Bháiseán a chónaigh in Aisteárot agus in Eidreí.

[5]Ansiúd i dtír Mhóáb, lastall den Iordáin, chuir Maois chun an dlí seo a mhíniú. Dúirt sé:

Horaeb agus Cáidéis

[6]“Dúirt an Tiarna ár nDia linn ag Horaeb: ‘Tá moill bhur ndóthain déanta agaibh ar an sliabh seo.

[7]Ar aghaidh libh ón áit seo, cuirigí chun bealaigh, agus imigí libh go harda na nAmórach, go dtí an mhuintir a chuireann fúthu san Arabá, sna hardáin agus sna hísleáin, sa Neigib agus san fheorainn; isteach libh i dtír Chanán agus sa Liobáin,

chomh fada leis an Abhainn Mhór, an Eofrataes.

[8] Eis aqui a terra que eu pus diante de vós; entrai e possuí a terra que o SENHOR, com juramento, deu a vossos pais, Abraão, Isaque e Jacó, a eles e à sua descendência depois deles.

[8]Sin é an tír a fhágaim fúibh; téigí isteach agus gabhaigí seilbh ar an tír a mhionnaigh an Tiarna a thabharfadh sé do bhur n-aithreacha, d'Abrahám, d'Iosác agus do Iacób agus dá sliocht dá n-éis.'

A nomeação de auxiliares

Êxodo 18.13-27

[9] Nesse mesmo tempo, eu vos disse: eu sozinho não poderei levar-vos.

[9]"Ansin is ea a dúirt mé: 'Téann díom sibh a iompar liom féin.

[10] O SENHOR, vosso Deus, vos tem multiplicado; e eis que, já hoje, sois multidão como as estrelas dos céus.

[10]Rathaigh an Tiarna bhur nDia sibh i dtreo gur geall le réaltaí neimhe le háireamh sibh.

[11] O SENHOR, Deus de vossos pais, vos faça mil vezes mais numerosos do que sois e vos abençoe, como vos prometeu.

[11]Agus tá an Tiarna Dia bhur sinsear chun sibh a rathú faoi mhíle sa bhreis agus a bheannacht a chur oraibh mar a gheall sé daoibh.

[12] Como suportaria eu sozinho o vosso peso, a vossa carga e a vossa contenda?

[12]Conas a d'fhéadfainn, liom féin amháin, sibhse agus bhur n-imris a iompar mar ualach?

[13] Tomai-vos homens sábios, inteligentes e experimentados, segundo as vossas tribos, para que os ponha por vossos cabeças.

[13]Tugaigí chugam saoithe, lucht gaoise agus taithí, as gach treibh ar leith, agus déanfaidh mé ceannairí oraibh díobh.'

[14] Então, me respondestes e dissestes: É bom cumprir a palavra que tens falado.

[14]D'fhreagair sibh mé: 'Is maith an beart atá á mholadh agat dúinn.'

[15] Tomei, pois, os cabeças de vossas tribos, homens sábios e experimentados, e os fiz cabeças sobre vós, chefes de milhares, chefes de cem, chefes de cinqüenta, chefes de dez e oficiais, segundo as vossas tribos.

[15]Roghnaigh mé ar an gcuma sin daoibh ceannairí treibheanna, lucht tuisceana agus taithí, agus chuir mé i gceannas oraibh iad - ceannairí mílte, ceannairí céadta, ceannairí caogad, agus ceannairí deichniúr, agus scríobhaithe do bhur dtreibheanna.

[16] Nesse mesmo tempo, ordenei a vossos juízes, dizendo: ouvi a causa entre vossos irmãos e julgai justamente entre o homem

[16]Leag mé cúram ar bhur mbreithiúna an uair sin: 'Éistigí leis na caingne idir bhur mbráithre agus tugaigí breith chóir idir

e seu irmão ou o estrangeiro que está com ele.

[17] Não sereis parciais no juízo, ouvireis tanto o pequeno como o grande; não temereis a face de ninguém, porque o juízo é de Deus; porém a causa que vos for demasiadamente difícil fareis vir a mim, e eu a ouvirei.

[18] Assim, naquele tempo, vos ordenei todas as coisas que havíeis de fazer.

Doze homens foram enviados para espiar a terra de Canaã

Números 13.1-24

[19] Então, partimos de Horebe e caminhamos por todo aquele grande e terrível deserto que vistes, pelo caminho da região montanhosa dos amorreus, como o SENHOR, nosso Deus, nos ordenara; e chegamos a Cades-Barnéia.

[20] Então, eu vos disse: tendes chegado à região montanhosa dos amorreus, que o SENHOR, nosso Deus, nos dá.

[21] Eis que o SENHOR, teu Deus, te colocou esta terra diante de ti. Sobe, possui-a, como te falou o SENHOR, Deus de teus pais: Não temas e não te assustes.

[22] Então, todos vós vos chegastes a mim e dissestes: Mandemos homens adiante de nós, para que nos espiem a terra e nos digam por que caminho devemos subir e a que cidades devemos ir.

[23] Isto me pareceu bem; de maneira que tomei, dentre vós, doze homens, de cada tribo um homem.

duine agus a bhráthair nó an coimhthíoch a chónaíonn fairis.

[17]Ná déanaigí leathchuma i mbreithiúnas agus tugaigí cluas don bheag ar aon dul leis an mór; ná bíodh eagla oraibh roimh aon duine, mar is le Dia an bhreith. An chúis a bheidh ródheacair daoibh, tugaigí chugamsa í le héisteacht."

[18]Thug mé treoracha daoibh an uair úd do gach a mbeadh le déanamh agaibh.

[19]"D'fhágamar Horaeb agus shroicheamar an fásach mór uafar a chonaic sibh. Ar aghaidh linn go harda na nAmórach mar a d'aithin an Tiarna dúinn, agus bhaineamar amach Cáidéis Bairnéa.

[20]Ansin is ea a dúirt mé libh: 'Tá sibh tagtha chun arda na nAmórach a thug an Tiarna ár nDia dúinn.

[21]Sin é an tír seo tugtha ar láimh daoibh ag an Tiarna bhur nDia; isteach libh, gabhaigí seilbh air mar a d'aithin an Tiarna Dia bhur n-aithreacha daoibh; ná bíodh eagla oraibh ná easpa misnigh.'

[22]Ansin tháinig sibh go léir chugam á rá: 'Seolaimis romhainn lucht braite na tíre; tabharfaidh siad scéala chugainn cén bealach ar a bhfuilimid le gabháil suas agus cad iad na cathracha ina dtriallfaimid."

[23]Comhairle mhaith dar liom í siúd agus roghnaíos dáréag daoibh, fear as gach treibh.

[24] E foram-se, e subiram à região montanhosa, e, espiando a terra, vieram até o vale de Escol,

[25] e tomaram do fruto da terra nas mãos, e no-lo trouxeram, e nos informaram, dizendo: É terra boa que nos dá o SENHOR, nosso Deus.

O relatório dos espias recebido com incredulidade

Números 13.25-33

[26] Porém vós não quisestes subir, mas fostes rebeldes à ordem do SENHOR, vosso Deus.

[27] Murmurastes nas vossas tendas e dissestes: Tem o SENHOR contra nós ódio; por isso, nos tirou da terra do Egito para nos entregar nas mãos dos amorreus e destruir-nos.

[28] Para onde subiremos? Nossos irmãos fizeram com que se derretesse o nosso coração, dizendo: Maior e mais alto do que nós é este povo; as cidades são grandes e fortificadas até aos céus. Também vimos ali os filhos dos anaquins.

[29] Então, eu vos disse: não vos espanteis, nem os temais.

[30] O SENHOR, vosso Deus, que vai adiante de vós, ele pelejará por vós, segundo tudo o que fez conosco, diante de vossos olhos, no Egito,

[31] como também no deserto, onde vistes que o SENHOR, vosso Deus, nele vos levou, como um homem leva a seu filho, por todo o caminho pelo qual andastes, até chegardes a este lugar.

[24]Thugadar-san aghaidh ar na hardáin; thángadar chomh fada le Gleann Eisciol agus rinneadar é a thaiscéaladh.

[25]Rinneadar cuid de thorthaí na tíre a chnuasach agus a thabhairt anuas chugainn; is é scéala a thugadar chugainn: ‘Tír thorthúil é an tír a thug an Tiarna ár nDia dúinn.’

[26]Níorbh áil libh gabháil isteach ann mar sin féin agus rinne sibh ceannairc in aghaidh ordú an Tiarna bhur nDia.

[27]Rinne sibh monabhar in bhur mbothanna á rá: ‘Le barr fuatha dúinn a thug an Tiarna amach as tír na hÉigipte sinn, d'fhonn sinn a thabhairt ar láimh do na hAmóraigh, agus a scrios ar an gcuma sin!

[28]Cá bhfuil ár dtriall? Chuir ár mbráithre féin lagmhisneach orainn: “Is mó agus is airde iad na daoine ná sinne,” ar siad, “tá a gcathracha ábhalmhór le ballaí a shroicheann chun neimhe; chonaiceamar clann Anácaím ann chomh maith.’ ”

[29]Agus dúirt mé libh: “Ná bíodh scéin ná eagla oraibh rompu.

[30]Beidh an Tiarna bhur nDia ag gabháil romhaibh amach agus é féin ag troid ar bhur son, faoi mar a rinne ar bhur son san Éigipt os comhair bhur súl.

[31]Fuair tú radharc air leis san fhásach; conas mar a d'iompair an Tiarna Dia thú, faoi mar a dhéanfadh athair a mhac, an bealach go léir a ghabh sibh go dtí gur bhain sibh amach an áit seo.”

32 Mas nem por isso crestes no SENHOR, vosso Deus,

33 que foi adiante de vós por todo o caminho, para vos procurar o lugar onde deveríeis acampar; de noite, no fogo, para vos mostrar o caminho por onde havíeis de andar, e, de dia, na nuvem.

O castigo de Deus

Números 14.20-38

34 Tendo, pois, ouvido o SENHOR as vossas palavras, indignou-se e jurou, dizendo:

35 Certamente, nenhum dos homens desta maligna geração verá a boa terra que jurei dar a vossos pais,

36 salvo Calebe, filho de Jefoné; ele a verá, e a terra que pisou darei a ele e a seus filhos, porquanto perseverou em seguir ao SENHOR.

37 Também contra mim se indignou o SENHOR por causa de vós, dizendo: Também tu lá não entrarás.

38 Josué, filho de Num, que está diante de ti, ele ali entrará; anima-o, porque ele fará que Israel a receba por herança.

39 E vossos meninos, de quem dissestes: Por presa serão; e vossos filhos, que, hoje, nem sabem distinguir entre bem e mal, esses ali entrarão, e a eles darei a terra, e eles a possuirão.

40 Porém vós virai-vos e parti para o deserto, pelo caminho do mar Vermelho.

O povo derrotado em Horma

Números 14.39-45

32Ach dá ainneoin sin uile níl creideamh agaibh sa Tiarna, bhur nDia,

33an té sin a ghabh romhaibh ar an tslí le háit champála a fháil daoibh, agus é sa tine san oíche ag soilsiú an chosáin daoibh, agus sa néal sa lá.

34“Chuala an Tiarna bhur gcuid cainte, agus mhionnaigh sé le fearg:

35‘Ní fheicfidh fiú duine de na daoine seo, den ghlúin chlaon seo, an tír shaibhir a mhionnaigh mé a thabharfainn do bhur n-aithreacha,

36seachas Cálaeb mac Iafuna. Feicfidh seisean é. Dósan agus dá shliocht, tabharfaidh mé an talamh ar ar leag sé cos, óir lean sé an Tiarna go beacht! ’

37Bhí an Tiarna i bhfearg liomsa leis de bhur mbarrsa, agus dúirt: ‘Ní rachaidh tusa ansiúd isteach ach chomh beag.

38Iósua mac Nún, do shearbhónta, is ea a rachaidh isteach; tabhair misneach dó óir is é a chuirfidh Iosrael i seilbh na tíre.

39Bhur miondaoine leis, iad siúd a dúirt sibh a ghabhfaí mar chreach, agus nach bhfuil fios na maitheasa agus an oilc fós acu, rachaidh siadsan ansiúd isteach; tabharfaidh mé dóibh é agus beidh sé ina seilbh acu.

40Ach maidir libhse, iompaígí agus siar libh faoin bhfásach i dtreo Mhara Súf.’

[41] Então, respondestes e me dissestes: Pecamos contra o SENHOR; nós subiremos e pelejaremos, segundo tudo o que nos ordenou o SENHOR, nosso Deus. Vós vos armastes, cada um dos seus instrumentos de guerra, e vos mostrastes temerários em subindo à região montanhosa.

[42] Disse-me o SENHOR: Dize-lhes: Não subais, nem pelejeis, pois não estou no meio de vós, para que não sejais derrotados diante dos vossos inimigos.

[43] Assim vos falei, e não escutastes; antes, fostes rebeldes às ordens do SENHOR e, presunçosos, subistes às montanhas.

[44] Os amorreus que habitavam naquela região montanhosa vos saíram ao encontro; e vos perseguiram como fazem as abelhas e vos derrotaram desde Seir até Horma.

[45] Tornastes-vos, pois, e chorastes perante o SENHOR, porém o SENHOR não vos ouviu, não inclinou os ouvidos a vós outros.

[46] Assim, permanecestes muitos dias em Cades.

Deuteronômio 2

A jornada de Cades até Zerede

[1] Depois, viramo-nos, e seguimos para o deserto, caminho do mar Vermelho como o SENHOR me dissera, e muitos dias rodeamos a montanha de Seir.

[2] Então, o SENHOR me falou, dizendo:

[41]“Ansin d'fhreagair sibh mé: ‘Pheacaíomar in aghaidh an Tiarna ár nDia. Rachaimid suas agus troidfimid mar a d'ordaigh an Tiarna ár nDia dúinn.’ Ghabh gach duine agaibh a arm catha chuige agus in airde faoi na harda libh le flosc.

[42]Ach dúirt an Tiarna liom: ‘Abair leo: Ná téigí suas ag troid - nílimse faraibh - le heagla go mbeadh an bua ag bhur naimhde oraibh.’

[43]Dúirt mé sin libh, ach ní éisteodh sibh liom, ach ceannairc á dhéanamh in aghaidh ordú an Tiarna, agus dul suas faoi na harda le barr dánaíochta.

[44]Na hAmóraigh, an mhuintir a chónaíonn sa dúiche shléibhteach sin, amach leo in bhur n-aghaidh mar shaithe beach, agus chuadar sa tóir oraibh agus phleancadar sibh i Saeír agus ar aghaidh go Hormá.

[45]Agus ar fhilleadh daoibh, shil sibh deora i láthair an Tiarna; ach níor éist an Tiarna le bhur nglór ná níor thug sé cluas daoibh.

[46]Is iomaí sin lá, is iomaí sin, a d'fhan sibh i gCáidéis.

Deotranaimí 2

Eadóm agus Móáb

[1]“Chasamar ansin agus ar aghaidh linn faoin bhfásach i dtreo Mhara Súf mar a d'ordaigh an Tiarna dom.

[2]Is iomaí lá a bhíomar ar seachrán thart fá Shliabh Shaeír.

[3] Tendes já rodeado bastante esta montanha; virai-vos para o norte.

[4] Ordena ao povo, dizendo: Passareis pelos limites de vossos irmãos, os filhos de Esaú, que habitam em Seir; e eles terão medo de vós; portanto, guardai-vos bem.

[5] Não vos entremetais com eles, porque vos não darei da sua terra nem ainda a pisada da planta de um pé; pois a Esaú dei por possessão a montanha de Seir.

[6] Comprareis deles, por dinheiro, comida que comais; também água que bebais comprareis por dinheiro.

[7] Pois o SENHOR, teu Deus, te abençoou em toda a obra das tuas mãos; ele sabe que andas por este grande deserto; estes quarenta anos o SENHOR, teu Deus, esteve contigo; coisa nenhuma te faltou.

[8] Passamos, pois, flanqueando assim nossos irmãos, os filhos de Esaú, que habitavam em Seir, como o caminho da Arabá, de Elate e de Eziom-Geber, viramo-nos e seguimos o caminho do deserto de Moabe.

[9] Então, o SENHOR me disse: Não molestes Moabe e não contendas com eles em peleja, porque te não darei possessão da sua terra; pois dei Ar em possessão aos filhos de Ló.

[3]Ansin dúirt an Tiarna liom: ‘Tá sibh fada bhur ndóthain ar fán ar na hardáin seo. Ó thuaidh libh.

[4]Agus tabhair an t-ordú seo don phobal: Tá sibh ar tí gabháil trí chríocha bhur mbráithre gaoil, clann Éasau a bhfuil cónaí orthu i Saeír. Tá eagla orthu romhaibh, ach bígí aireach.

[5]Ná déanaigí iad a ghriogadh. Óir ní thabharfaidh mé aon phioc dá dtailte daoibh, aon phioc fiú oiread agus leithead tráchta, mar thug mé Sliabh Shaeír do Éasau mar shealúchas.

[6]Díolaigí iad le hairgead as cibé bia a íosfaidh sibh; agus díolaigí iad le hairgead as cibé uisce a ólfaidh sibh.

[7]Chuir an Tiarna bhur nDia a bheannacht ort i mbun do ghnothaí go léir; choimeád sé a shúil oraibh agus sibh ag gabháil tríd an bhfásach fairsing seo; bhí an Tiarna do Dhia in do choimhdeacht an daichead bliain sin; ní raibh aon ní riamh de dhíth ort.’

[8]“Ghabhamar thar ár mbráithre gaoil, clann Éasau, a bhfuil cónaí orthu i Saeír, feadh bhealach an Arabá agus ó Éalat agus Eizion Geibir. Ansin chasamar agus ar aghaidh linn i dtreo fhásach Mhóáb.

[9]Agus dúirt an Tiarna liom: ‘Ná déan ionsaí ar Mhóáb ná é a ghriogadh chun catha, óir ní thabharfaidh mé aon phioc dá thailte daoibh, óir thug mé Ár mar shealúchas do chlann Lót.’

[10] (Os emins, dantes, habitavam nela, povo grande, numeroso e alto como os anaquins;
[11] também eles foram considerados refains, como os anaquins; e os moabitas lhes chamavam emins.
[12] Os horeus também habitavam, outrora, em Seir; porém os filhos de Esaú os desapossaram, e os destruíram de diante de si, e habitaram no lugar deles, assim como Israel fez à terra da sua possessão, que o SENHOR lhes tinha dado.)

[13] Levantai-vos, agora, e passai o ribeiro de Zerede; assim, passamos o ribeiro de Zerede.

[14] O tempo que caminhamos, desde Cades-Barnéia até passarmos o ribeiro de Zerede, foram trinta e oito anos, até que toda aquela geração dos homens de guerra se consumiu do meio do arraial, como o SENHOR lhes jurara.
[15] Também foi contra eles a mão do SENHOR, para os destruir do meio do arraial, até os haver consumido.

A travessia de Ar e Arnom

[16] Sucedeu que, consumidos já todos os homens de guerra pela morte, do meio do povo,
[17] o SENHOR me falou, dizendo:
[18] Hoje, passarás por Ar, pelos limites de Moabe,
[19] e chegarás até defronte dos filhos de Amom; não os molestes e com eles não contendas, porque da terra dos filhos de

[10](Mhair na hÉimím ansiúd tráth cine mór líonmhar, agus iad chomh hard leis na hAnácaím.
[11]Dála na nAnácaím, tugtaí na Rafáím orthu chomh maith, ach is Éimím a thugadh na Móábaigh orthu.
[12]Bhí cónaí ar na Hóraigh leis i Saeír tráth, ach chuir clann Éasau as seilbh iad; dhíothaigh siad as a slí iad, agus lonnaíodar ina n-áit, faoi mar a rinne Iosrael ina dtír féin, an oidhreacht a thug an Tiarna dóibh.)
[13]'Ar aghaidh libh! Agus thar sileán Zeirid.'

An Alliordáin

"Ghabhamar, dá bhrí sin, thar sileán Zeirid.
[14]Anois mhair ár seachrán ó d'fhágamar Cáidéis Bairnéa go dtí gur ghabhamar thar sileán Zeirid ocht mbliana tríochad i dtreo go raibh an ghlúin d'fheara cogaidh go léir caillte ón gcampa mar a mhionnaigh an Tiarna dóibh.

[15]Luigh lámh an Tiarna orthu lena scrios ón gcampa go dtí gur cailleadh iad go léir.

[16]Nuair a bhí gach uile fhear cogaidh sciobtha ag an mbás ó lár an phobail,
[17]dúirt an Tiarna liom:
[18]'Inniu féin rachaidh tú thar teorainn Mhóáb ag Ár,
[19]agus déanamh ar theorainn chlann Amón. Ná déanaigí ionsaí orthu ná iad a ghriogadh; óir ní thabharfaidh mé aon

Amom te não darei possessão, porquanto aos filhos de Ló a tenho dado por possessão.

phioc de thailte chlann Amón daoibh, mar thug mé é mar shealúchas do chlann Lót.'

[20] (Também esta é considerada terra dos refains; dantes, habitavam nela refains, e os amonitas lhes chamavam zanzumins,

[20](Tugtar leis tír na Rafáím air; mhair na Rafáím ann tráth, ach tugann na hAmónaigh Zamzuimím orthu;

[21] povo grande, numeroso e alto como os anaquins; o SENHOR os destruiu diante dos amonitas; e estes, tendo-os desapossado, habitaram no lugar deles;

[21]cine mór líonmhar iad agus iad chomh hard leis na hAnácaím; ach dhíothaigh an Tiarna as a slí iad, agus chuir na hAmónaigh as seilbh iad agus lonnaíodar ina n-áit,

[22] assim como fez com os filhos de Esaú que habitavam em Seir, de diante dos quais destruiu os horeus. Os filhos de Esaú, tendo-os desapossado, habitaram no lugar deles até este dia;

[22]faoi mar a rinne sé na Hóraigh a dhíothú as a slí roimh chlann Éasau a bhfuil cónaí orthu i Saeír, i dtreo gur chuireadar as seilbh iad agus gur chuireadar fúthu ina n-áit agus go bhfuil siad ann go dtí an lá inniu.

[23] também os caftorins que saíram de Caftor destruíram os aveus, que habitavam em vilas até Gaza, e habitaram no lugar deles.)

[23]Ba é an scéal céanna é leis na hÁivím a bhí ag cur fúthu i mbailte an tslí go léir go Gazá; tháinig na Caftoraím ó Chaftor, agus rinneadar iad a dhíothú agus cur fúthu ina n-áit.)

[24] Levantai-vos, parti e passai o ribeiro de Arnom; eis aqui na tua mão tenho dado a Seom, amorreu, rei de Hesbom, e a sua terra; passa a possuí-la e contende com eles em peleja.

[24]'Scoirigí campa agus ar aghaidh libh, agus thar sileán Arnón libh. Seo é Síochon, an tAmórach, rí Heisbeon, agus a fhearann á chur agam faoi do láimh; crom ar sheilbh a ghabháil; cuir cath air!

[25] Hoje, começarei a meter o terror e o medo de ti aos povos que estão debaixo de todo o céu; os que ouvirem a tua fama tremerão diante de ti e se angustiarão.

[25]Táim ag cromadh inniu féin ar scéin agus ar eagla romhat a chur ar an uile chine faoi stua neimhe; cách a chluinfidh torann do theachta tiocfaidh critheagla agus uafás orthu romhat.'

Vitória sobre Seom, rei de Hesbom
Números 21.21-30

[26] Então, mandei mensageiros desde o deserto de Quedemote a Seom, rei de Hesbom, com palavras de paz, dizendo:

[27] deixa-me passar pela tua terra; somente pela estrada irei; não me desviarei para a direita nem para a esquerda.

[28] A comida que eu coma vender-me-ás por dinheiro e dar-me-ás também por dinheiro a água que beba; tão-somente deixa-me passar a pé,

[29] como fizeram comigo os filhos de Esaú, que habitam em Seir, e os moabitas, que habitam em Ar; até que eu passe o Jordão, à terra que o SENHOR, nosso Deus, nos dá.

[30] Mas Seom, rei de Hesbom, não nos quis deixar passar por sua terra, porquanto o SENHOR, teu Deus, endurecera o seu espírito e fizera obstinado o seu coração, para to dar nas mãos, como hoje se vê.

[31] Disse-me, pois, o SENHOR: Eis aqui, tenho começado a dar-te Seom e a sua terra; passa a desapossá-lo, para lhe ocupares o país.

[32] Então, Seom saiu-nos ao encontro, ele e todo o seu povo, à peleja em Jasa.

[33] E o SENHOR, nosso Deus, no-lo entregou, e o derrotamos, a ele, e a seus filhos, e a todo o seu povo.

[34] Naquele tempo, tomamos todas as suas cidades e a cada uma destruímos com os seus homens, mulheres e crianças; não deixamos sobrevivente algum.

[26]Chuir mé teachtairí dá bhrí sin ó fhásach Chadaemót go Síochon rí Heisbeon le teachtaireacht síochána á rá:

[27]“Is áil liom dul trí d'fhearann. Ní dhéanfaidh mé ach gabháil feadh an bhealaigh, gan claonadh ar dheis ná ar chlé.

[28]Cibé bia a íosfaidh mé, díol liom ar airgead, agus íocfaidh mé as cibé uisce a olfaidh mé. Ná déan ach a cheadú dom gabháil ar aghaidh de chois,

[29]faoi mar a rinne clann Éasau liom a bhfuil cónaí orthu i Saeír, agus na Móábaigh a bhfuil cónaí orthu in Ár, go dté mé thar an Iordáin go dtí an tír atá á thabhairt dúinn ag an Tiarna ár nDia.’

[30]“Ach ní ligfeadh Síochon rí Heisbeon dúinn gabháil trína fhearann; d'fhág an Tiarna do Dhia a spiorad crua agus a chroí dána, d'fhonn é a fhágáil faoi do láimhse, rud atá fós inniu.

[31]Agus dúirt an Tiarna liom: ‘Seo mé ag cromadh ar Shíochon agus a fhearann á thabhairt agam faoi do réir. Cuir chun a ghabhála; gabh seilbh ar a fhearann.’

[32]Ansin mháirseáil Síochon agus a mhuintir go léir amach inár n-aghaidh chun catha a chur i Iáhaz.

[33]Thug an Tiarna ár nDia ar láimh dúinn é; bhriseamar air féin ar a chlann mhac agus ar a mhuintir go léir.

[34]Ansin ghabhamar a chathracha go léir agus chuireamar na cathracha go léir faoi bhang, mar aon lena bhfir, a mná agus a leanaí; ní dhearnamar anacal,

[35] Somente tomamos, por presa, o gado para nós e o despojo das cidades que tínhamos tomado.
[36] Desde Aroer, que está à borda do vale de Arnom, e a cidade que nele está, até Gileade, nenhuma cidade houve alta demais para nós; tudo isto o SENHOR, nosso Deus, nos entregou.
[37] Somente à terra dos filhos de Amom não chegaste; nem a toda a borda do ribeiro de Jaboque, nem às cidades da região montanhosa, nem a lugar algum que nos proibira o SENHOR, nosso Deus.

[35]ach ar an stoc a thugamar linn mar chreach agus ar an mbraid ó na cathracha a ghabhamar.
[36]Ó Aroéir ar imeall Ghleann Arnón, agus ón gcathair i dtóin an chumair, ar aghaidh go Gileád, ní raibh cathair thar ár gcumas; thug an Tiarna ár nDia iad go léir ar láimh dúinn.
[37]Níor fhág sibh gan baint léi ach dúiche chlann Amón amháin, insí uile abhann Iaboc, is é sin, agus cathracha an ardáin, agus cibé áit a choisc an Tiarna ár nDia orainn.

Deuteronômio 3

Vitória sobre Ogue, rei de Basã
Números 21.31-35

[1] Depois, nos viramos e subimos o caminho de Basã; e Ogue, rei de Basã, nos saiu ao encontro, ele e todo o seu povo, à peleja em Edrei.

[2] Então, o SENHOR me disse: Não temas, porque a ele, e todo o seu povo, e sua terra dei na tua mão; e far-lhe-ás como fizeste a Seom, rei dos amorreus, que habitava em Hesbom.

[3] Deu-nos o SENHOR, nosso Deus, em nossas mãos também a Ogue, rei de Basã, e a todo o seu povo; e ferimo-lo, até que lhe não ficou nenhum sobrevivente.

[4] Nesse tempo, tomamos todas as suas cidades; nenhuma cidade houve que lhe não tomássemos: sessenta cidades, toda a

Deotranaimí 3

[1]“Ansin chasamar i dtreo Bháiseán agus ghabhamar suas ann. Agus tháinig Óg rí Bháiseán amach inár n-aghaidh, é féin agus a mhuintir go léir, chun cath a chur in Eidreí.

[2]Ach dúirt an Tiarna liom: ‘Ná bíodh eagla ort roimhe, óir thug mé é féin agus a mhuintir go léir agus a fhearann ar láimh duit; tabhair an íde chéanna air a thug tú ar Shíochon rí na nAmórach a mhair i Heisbeon.’

[3]Thug an Tiarna, más ea, Óg rí Bháiseán agus a mhuintir uile ar láimh dúinn chomh maith agus phleancamar é go dtí nár fágadh fear inste scéil.

[4]Ghabhamar a chathracha go léir an uair sin - níor fhágamar cathair dá gcuid nár

região de Argobe, o reino de Ogue, em Basã.

[5] Todas estas cidades eram fortificadas com altos muros, portas e ferrolhos; tomamos também outras muitas cidades, que eram sem muros.

[6] Destruímo-las totalmente, como fizemos a Seom, rei de Hesbom, fazendo perecer, por completo, cada uma das cidades com os seus homens, suas mulheres e crianças.

[7] Porém todo o gado e o despojo das cidades tomamos para nós, por presa.

[8] Assim, nesse tempo, tomamos a terra da mão daqueles dois reis dos amorreus que estavam dalém do Jordão: desde o rio de Arnom até ao monte Hermom

[9] (Os sidônios a Hermom chamam Siriom; porém os amorreus lhe chamam Senir.),

[10] tomamos todas as cidades do planalto, e todo o Gileade, e todo o Basã, até Salca e Edrei, cidades do reino de Ogue, em Basã

[11] (Porque só Ogue, rei de Basã, restou dos refains; eis que o seu leito, leito de ferro, não está, porventura, em Rabá dos filhos de Amom, sendo de nove côvados o seu comprimento, e de quatro, a sua largura, pelo côvado comum?).

Distribuição da Transjordânia

Números 32.33-42

[12] Tomamos, pois, esta terra em possessão nesse tempo; desde Aroer, que está junto ao vale de Arnom, e a metade da região montanhosa de Gileade, com as suas cidades, dei aos rubenitas e gaditas.

ghabhamar - trí fichid cathair, dúiche uile Argob, ríocht Óg i mBáiseán.

[5]Caisil dhaingne iadsan uile le ballaí arda, geataí, agus cuaillí - gan trácht ar bhailte na bPirizeach a bhí an-líonmhar.

[6]Chuireamar faoi bhang iad mar a rinneamar le Síochon rí Heisbeon; chuireamar idir chathair is fhear agus bhean agus pháiste go léir faoi bhang.

[7]Ach thugamar stoc agus spré na gcathracha sin linn mar chreach.

[8]Ghabhamar an uair úd, dá réir sin, fearann an dá rí Amórach lastall den Iordáin, ó Ghleann an Arnón go Sliabh Haermón

[9](tugann na Síodónaigh Sirion, ach na hAmóraigh Siníor, ar Hearmón);

[10]cathracha uile an ardáin, Gileád go léir, agus Báiseán go léir chomh fada le Salacá agus Eidreí, príomhchathracha Óg i mBáiseán.

[11](Bá é Óg rí Bháiseán an duine deireanach d'fhuíoll na Rafáím; ba leaba iarainn a leaba, agus nach í atá le feiceáil i Raba na nAmónach? - í naoi mbanlámh ar fad agus ceithre bhanlámh ar leithead, de réir bhanlámh fir.)

[12]“Nuair a ghabhamar seilbh ar an bhfearann seo ar aghaidh ó Aroéir i nGleann Arnón an uair úd, thug mé do chlann Reúbaen agus do chlann Ghád leath ardchlár Ghileád lena chathracha.

[13] O resto de Gileade, como também todo o Basã, o reino de Ogue, dei à meia tribo de Manassés; toda aquela região de Argobe, todo o Basã, se chamava a terra dos refains.

[14] Jair, filho de Manassés, tomou toda a região de Argobe até ao limite dos gesuritas e maacatitas, isto é, Basã, e às aldeias chamou pelo seu nome: Havote-Jair, até o dia de hoje.

[15] A Maquir dei Gileade.

[16] Mas aos rubenitas e gaditas dei desde Gileade até ao vale de Arnom, cujo meio serve de limite; e até ao ribeiro de Jaboque, o limite dos filhos de Amom,

[17] como também a Arabá e o Jordão por limite, desde Quinerete até ao mar da Arabá, o mar Salgado, pelas faldas de Pisga, para o oriente.

[18] Nesse mesmo tempo, vos ordenei, dizendo: o SENHOR, vosso Deus, vos deu esta terra, para a possuirdes; passai, pois, armados, todos os homens valentes, adiante de vossos irmãos, os filhos de Israel.

[19] Tão-somente vossas mulheres, e vossas crianças, e vosso gado (porque sei que tendes muito gado) ficarão nas vossas cidades que já vos tenho dado,

[20] até que o SENHOR dê descanso a vossos irmãos como a vós outros, para que eles também ocupem a terra que o SENHOR,

[13]Do leaththreibh Mhanaise thug mé an chuid eile de Ghileád, Báiseán go léir, ríocht Óg. (Tugtar tír na Rafáím ar dhúiche Argob go léir, agus ar Bháiseán go léir.

[14]Ó ghabh Iáir mac Mhanaise dúiche Argob go léir ar aghaidh go teorainneacha na nGisiúrach, agus na Macátach, thug sé a ainm do na bailte sin ar a dtugfar go fóill Bailte Iáir.)

[15]Do Mhácaír thug mé Gileád.

[16]Do na Reúbaenaigh agus do na Gádaigh thug mé an dúiche a shíneann ó Ghileád go dtí Gleann Arnón, agus lár an choma mar theorainn, agus chomh fada suas le habhainn an Iaboc, an teorainn le clann Amón.

[17]An tArabá agus an Iordáin na teorainneacha síos ó Chineirit síos go Muir Arabá, Muir an tSalainn, faoi bhun sleasa Phisceá lastoir.

Teagasc

[18]“Thug mé an t-ordú seo daoibh an uair sin: ‘Thug an Tiarna bhur nDia an tír seo in bhur seilbh daoibh; ní foláir do bhur lucht gaile go léir airm a ghlacadh agus dul anonn ar cheann bhur mbráithre, clann Iosrael.

[19]Bhur mná, bhur miondaoine, agus bhur stoc (tá a fhios agam go bhfuil a lán stoic agaibh) - iadsan amháin atá le fanacht in bhur ndiaidh sna cathracha a thug mé daoibh

[20]nó go socraí an Tiarna bhur mbráithre faoi mar a shocraigh sé sibhse, agus go bhfaighe siadsan leis seilbh ar an

vosso Deus, lhes dá dalém do Jordão; então, voltareis cada qual à sua possessão que vos dei.

bhfearann atá an Tiarna, bhur nDia, á thabhairt dóibh ar an taobh eile den Iordáin; fillfidh sibh ansin, gach duine chun an fhearainn a thug mé dó.'

21 Também, nesse tempo, dei ordem a Josué, dizendo: os teus olhos vêem tudo o que o SENHOR, vosso Deus, tem feito a estes dois reis; assim fará o SENHOR a todos os reinos a que tu passarás.

21Ansin thug mé an t-ordú seo do Íósua: 'Chonaic tú le do shúile cinn a bhfuil déanta ag an Tiarna leis an dá rí seo; tabharfaidh an Tiarna an íde chéanna ar na ríochtaí go léir a dtriallfaidh sibh chucu.

22 Não os temais, porque o SENHOR, vosso Deus, é o que peleja por vós.

22Ná bíodh eagla oraibh rompu; tá an Tiarna féin, bhur nDia, ag troid ar bhur son.'

A oração de Moisés para entrar em Canaã

Números 27.12-23

23 Também eu, nesse tempo, implorei graça ao SENHOR, dizendo:

23"Rinne mé achainí ar an Tiarna faoin am seo:

24 Ó SENHOR Deus! Passaste a mostrar ao teu servo a tua grandeza e a tua poderosa mão; porque que deus há, nos céus ou na terra, que possa fazer segundo as tuas obras, segundo os teus poderosos feitos?

24'A Thiarna Dia, ' arsa mise, 'níl ach tús déanta agat ag nochtadh do mhórgachta agus do chumhachta do do sheirbhíseach, óir cén dia ar neamh nó ar talamh ar féidir leis éachtaí agus fearta mar do chuidse a dhéanamh?

25 Rogo-te que me deixes passar, para que eu veja esta boa terra que está dalém do Jordão, esta boa região montanhosa e o Líbano.

25Lig anonn mé le do thoil chun an fearann fónta thar Iordáin a fheiceáil, fearann fónta an ardáin agus na Liobáine.'

26 Porém o SENHOR indignou-se muito contra mim, por vossa causa, e não me ouviu; antes, me disse: Basta! Não me fales mais nisto.

26Ach de bhur mbarr-sa bhí an Tiarna i bhfearg liom, agus ní thabharfadh sé aird orm.'Cuir uait! ' arsa an Tiarna liom.'Ná luaigh é sin liom a thuilleadh.

27 Sobe ao cimo de Pisga, levanta os olhos para o ocidente, e para o norte, e para o sul, e para o oriente e contempla com os próprios olhos, porque não passarás este Jordão.

27Gabh suas ar mhullach Phisceá, agus féach uait siar, agus ó thuaidh, agus ó dheas agus soir; bain radharc do shúl as, óir ní rachaidh tú thar an Iordáin seo.

[28] Dá ordens a Josué, e anima-o, e fortalece-o; porque ele passará adiante deste povo e o fará possuir a terra que tu apenas verás.

[29] Assim, ficamos no vale defronte de Bete-Peor.

[28]Tabhair do threoracha do Iósua; tabhair misneach agus fuinneamh dó; óir eisean is ea a rachaidh sall ar cheann a phobail agus is é a thabharfaidh seilbh dóibh ar an tír ar a bhfaighidh tú radharc.’

[29]D'fhanamar dá bhrí sin sa ghleann sall ó Bhéit Peór.

Deuteronômio 4

Moisés exorta o povo à obediência

[1] Agora, pois, ó Israel, ouve os estatutos e os juízos que eu vos ensino, para os cumprirdes, para que vivais, e entreis, e possuais a terra que o SENHOR, Deus de vossos pais, vos dá.

[2] Nada acrescentareis à palavra que vos mando, nem diminuireis dela, para que guardeis os mandamentos do SENHOR, vosso Deus, que eu vos mando.

[3] Os vossos olhos viram o que o SENHOR fez por causa de Baal-Peor; pois a todo homem que seguiu a Baal-Peor o SENHOR, vosso Deus, consumiu do vosso meio.

[4] Porém vós que permanecestes fiéis ao SENHOR, vosso Deus, todos, hoje, estais vivos.

[5] Eis que vos tenho ensinado estatutos e juízos, como me mandou o SENHOR, meu Deus, para que assim façais no meio da terra que passais a possuir.

Deotranaimí 4

[1]“Anois, más ea, a Iosrael, tabhair aird ar na dlíthe agus na reachtanna a mhúinim daoibh; comhlíonaigí iad i dtreo go mairfeadh sibh agus go rachadh sibh isteach agus seilbh a ghlacadh ar an bhfearann atá an Tiarna, Dia bhur n-aithreacha, á thabhairt daoibh.

[2]Ná cuirigí aon bhreis lena n-ordaím daoibh, agus ná bainigí uaidh, ach coimeádaigí aitheanta an Tiarna bhur nDia go beacht mar a ordaím daoibh iad.

[3]Chonaic sibh le bhur súile cinn cad a rinne an Tiarna i mBál Peór; óir dhíothaigh an Tiarna bhur nDia ó bhur measc lucht leanta uile Bhál Peór.

[4]Ach sibhse a chloígh leis an Tiarna bhur nDia, maireann sibh fós inniu.

[5]Seo mise ag teagasc dlíthe agus reachtanna daoibh, mar a d'aithin an Tiarna mo Dhia dom, le comhlíonadh agaibh sa tír ina bhfuil sibh ag dul le seilbh a ghabháil air.

[6] Guardai-os, pois, e cumpri-os, porque isto será a vossa sabedoria e o vosso entendimento perante os olhos dos povos que, ouvindo todos estes estatutos, dirão: Certamente, este grande povo é gente sábia e inteligente.

[7] Pois que grande nação há que tenha deuses tão chegados a si como o SENHOR, nosso Deus, todas as vezes que o invocamos?

[8] E que grande nação há que tenha estatutos e juízos tão justos como toda esta lei que eu hoje vos proponho?

[9] Tão-somente guarda-te a ti mesmo e guarda bem a tua alma, que te não esqueças daquelas coisas que os teus olhos têm visto, e se não apartem do teu coração todos os dias da tua vida, e as farás saber a teus filhos e aos filhos de teus filhos.

[10] Não te esqueças do dia em que estiveste perante o SENHOR, teu Deus, em Horebe, quando o SENHOR me disse: Reúne este povo, e os farei ouvir as minhas palavras, a fim de que aprenda a temer-me todos os dias que na terra viver e as ensinará a seus filhos.

[11] Então, chegastes e vos pusestes ao pé do monte; e o monte ardia em fogo até ao meio dos céus, e havia trevas, e nuvens, e escuridão.

[12] Então, o SENHOR vos falou do meio do fogo; a voz das palavras ouvistes; porém, além da voz, não vistes aparência nenhuma.

[6]Coimeádaigí iad agus leanaigí iad, agus taispeánfaidh siad bhur n-eagna agus bhur dtuiscint don saol. Nuair a chluinfidh siad faoi na dlíthe seo go léir, déarfaidh siad: ‘Nach eagnaí agus nach tuisceanach an dream an cine mór seo! ’

[7]Agus cén cine mór atá ann a bhfuil a ndéithe chomh gar dóibh agus atá an Tiarna ár nDia dúinne ach glaoch air?

[8]Agus cén cine mór a bhfuil comhfhíréan an dlí go léir, a chuir mé romhaibh inniu, de dhlíthe agus de reachtanna acu?

Horaeb - Rabhadh

[9]“Bí aireach i mbeart, agus bí san airdeall. Ná déan dearmad ar na nithe a chonaic do shúile cinn agus ná lig dóibh sleamhnú as do chroí aon lá de do shaol; múin do do shliocht iad agus do shliocht do shleachta.

[10]An lá a sheas tú i Horaeb i láthair an Tiarna do Dhia, dúirt an Tiarna liom: ‘Cruinnigh an pobal i mo thimpeall go gcloisfidh a gcluasa mo bhriathra d'fhonn go bhfoghlaimeoidís conas eagla a bheith acu romham gach lá dá gcaithfidh siad ar an saol, agus go múinfidís sin dá gclann.’

[11]Tháinig sibh i ngar agus sheas ag bun an tsléibhe; las an sliabh le tine go crioslach nimhe, agus é faoi bhrat dorchadais, néil agus scamaill.

[12]Ansin labhair an Tiarna libh ó lár na tine; fuaim na bhfocal do chuala sibh, ach cló ní fhaca sibh; ní raibh ann ach guth.

[13] Então, vos anunciou ele a sua aliança, que vos prescreveu, os dez mandamentos, e os escreveu em duas tábuas de pedra.

[14] Também o SENHOR me ordenou, ao mesmo tempo, que vos ensinasse estatutos e juízos, para que os cumprísseis na terra a qual passais a possuir.

[15] Guardai, pois, cuidadosamente, a vossa alma, pois aparência nenhuma vistes no dia em que o SENHOR, vosso Deus, vos falou em Horebe, no meio do fogo;

[16] para que não vos corrompais e vos façais alguma imagem esculpida na forma de ídolo, semelhança de homem ou de mulher,

[17] semelhança de algum animal que há na terra, semelhança de algum volátil que voa pelos céus,

[18] semelhança de algum animal que rasteja sobre a terra, semelhança de algum peixe que há nas águas debaixo da terra.

[19] Guarda-te não levantes os olhos para os céus e, vendo o sol, a lua e as estrelas, a saber, todo o exército dos céus, sejas seduzido a inclinar-te perante eles e dês culto àqueles, coisas que o SENHOR, teu Deus, repartiu a todos os povos debaixo de todos os céus.

[20] Mas o SENHOR vos tomou e vos tirou da fornalha de ferro do Egito, para que lhe sejais povo de herança, como hoje se vê.

[21] Também o SENHOR se indignou contra mim, por vossa causa, e jurou que eu não

[13]Nocht an Tiarna a chonradh daoibh, agus d'ordaigh daoibh é choimeád - na Deich nAitheanta, is é sin, a scríobh sé ar dhá chlár cloiche.

[14]D'ordaigh an Tiarna dom an uair sin dlíthe agus reachtanna a theagasc daoibh, a leanfadh sibh sa tír a bhfuil sibh le dul anonn á shealbhú.

[15]“Bígí aireach i mbeart dá bhrí sin. Ós rud é nach bhfaca sibh aon chló an lá a labhair an Tiarna libh i Horaeb ó lár na tine,

[16]féachaigí chuige nach ndéanann sibh claonbheart agus íomhá shnoite a dhéanamh daoibh féin de chló dúile ar bith, cibé acu i gcosúlacht fir nó mná é,

[17]nó i gcosúlacht aon ainmhí ar talamh, nó aon éin a eitlíonn san aer,

[18]nó i gcosúlacht aon dúile a shníonn ar talamh, nó aon éisc sna huiscí atá faoi thalamh.

[19]Nuair a thógann tú do shúile chun nimhe, agus go bhfeiceann tú an ghrian, an ghealach, na réaltaí agus eagar uile neimhe ná mealltar thú agus sléachtadh dóibh agus fónamh dóibh. D'fhág an Tiarna do Dhia iadsan faoi na cinéocha uile faoin spéir;

[20]ach maidir libhse, rug an Tiarna leis amach ón bhfoirnéis iarainn sibh, as an Éigipt, le bheith ina phobal aige féin, féin, rud atá sibh fós inniu.

[21]“Bhí an Tiarna i bhfearg liom de bhur gcionnsa, agus mhionnaigh nach rachainn

passaria o Jordão e não entraria na boa terra que o SENHOR, teu Deus, te dá por herança.

thar an Iordáin anonn, ná nach rachainn isteach san fhearann fónta atá á thabhairt mar oidhreacht daoibh ag an Tiarna bhur nDia.

[22] Porque eu morrerei neste lugar, não passarei o Jordão; porém vós o passareis e possuireis aquela boa terra.

[22]Sea, caithfidh mise bás a fháil sa tír seo gan dul thar an Iordáin anseo; ach rachaidh sibhse anonn agus gabhfaidh sibh seilbh ar an bhfearann fónta úd.

[23] Guardai-vos não vos esqueçais da aliança do SENHOR, vosso Deus, feita convosco, e vos façais alguma imagem esculpida, semelhança de alguma coisa que o SENHOR, vosso Deus, vos proibiu.

[23]Seachnaígí dá bhrí sin agus ná déanaigí dearmad ar an gconradh a rinne an Tiarna bhur nDia libh, agus íomhá ghreanta a dhéanamh i gcosúlacht aon ní dár choisc an Tiarna bhur nDia oraibh.

[24] Porque o SENHOR, teu Deus, é fogo que consome, é Deus zeloso.

[24]Tine amplach é an Tiarna bhur nDia, agus Dia éadmhar.

[25] Quando, pois, gerardes filhos e filhos de filhos, e vos envelhecerdes na terra, e vos corromperdes, e fizerdes alguma imagem esculpida, semelhança de alguma coisa, e fizerdes mal aos olhos do SENHOR, teu Deus, para o provocar à ira,

[25]Nuair a ghinfear clann agus clann clainne daoibh, agus go mbíonn tamall fada caite agaibh sa tír, má dhéanann sibh claonbhearta, agus íomhá ghreanta a dhéanamh i gcló nó a chéile, ag cur olc ar an Tiarna agus fearg air,

[26] hoje, tomo por testemunhas contra vós outros o céu e a terra, que, com efeito, perecereis, imediatamente, da terra a qual, passado o Jordão, ides possuir; não prolongareis os vossos dias nela; antes, sereis de todo destruídos.

[26]an lá sin glaofaidh mé ar neamh agus ar thalamh le fianaise a thabhairt in bhur n-aghaidh; rachaidh sibh ar ceal gan mhoill ón tír a bhfuil sibh ag dul thar an Iordáin á shealbhú. Ní fada a mhairfidh sibh ann; rachaidh sibh i ndísc ar fad.

[27] O SENHOR vos espalhará entre os povos, e restareis poucos em número entre as gentes aonde o SENHOR vos conduzirá.

[27]Cuirfidh an Tiarna scaipeadh oraibh i measc na gciníocha, agus ní fhágfar ach fuíoll suarach díbh i measc na bpobal dá dtiomáinfidh an Tiarna sibh.

[28] Lá, servireis a deuses que são obra de mãos de homens, madeira e pedra, que não vêem, nem ouvem, nem comem, nem cheiram.

[28]Déanfaidh sibh fónamh ansiúd do dhéithe adhmaid agus cloiche, saothar lámh daonna, nach bhfuil ar a gcumas aon

[29] De lá, buscarás ao SENHOR, teu Deus, e o acharás, quando o buscares de todo o teu coração e de toda a tua alma.

[30] Quando estiveres em angústia, e todas estas coisas te sobrevierem nos últimos dias, e te voltares para o SENHOR, teu Deus, e lhe atenderes a voz,

[31] então, o SENHOR, teu Deus, não te desamparará, porquanto é Deus misericordioso, nem te destruirá, nem se esquecerá da aliança que jurou a teus pais.

[32] Agora, pois, pergunta aos tempos passados, que te precederam, desde o dia em que Deus criou o homem sobre a terra, desde uma extremidade do céu até à outra, se sucedeu jamais coisa tamanha como esta ou se se ouviu coisa como esta;

[33] ou se algum povo ouviu falar a voz de algum deus do meio do fogo, como tu a ouviste, ficando vivo;

[34] ou se um deus intentou ir tomar para si um povo do meio de outro povo, com provas, e com sinais, e com milagres, e com peleja, e com mão poderosa, e com braço estendido, e com grandes espantos, segundo tudo quanto o SENHOR, vosso Deus, vos fez no Egito, aos vossos olhos.

[35] A ti te foi mostrado para que soubesses que o SENHOR é Deus; nenhum outro há, senão ele.

ní a fheiceáil, a chlos, a ithe, ná a bholadh a fháil.

[29]Ach lorgóidh tú an Tiarna do Dhia ón áit sin, agus má lorgaíonn tú é ó chroí go hiomlán agus ó anam go hiomlán, gheobhaidh tú é.

[30]I do chruachas duit, tiocfaidh gach a ndúirt mé sa mhullach ort, ach i gcríoch na laethe fillfidh tú ar an Tiarna do Dhia, agus géillfidh tú dá ghlór.

[31]Óir is Dia trócaireach an Tiarna do Dhia; ní thréigfidh sé thú, ná thú a scrios, ná ní dhéanfaidh dearmad ar an gconradh a rinne sé le bhur n-aithreacha faoi bhrí na mionn.

Mórtas

[32]“Óir, cuir an cheist seo dá bhrí sin chun na n-aos a d'imigh tharainn agus a bhí romhat, ón lá a chruthaigh Dia an duine ar talamh: An raibh briathar riamh chomh maorga ó cheann ceann neimhe? Ar chualathas riamh a leithéid?

[33]Ar chuala aon chine riamh guth Dé [bheo] ag labhairt ó chroí na tine, mar a rinne tusa, agus iad a mhaireachtáil?

[34]Ar thug aon Dia riamh faoi chine a ghabháil chuige féin ó chrioslach cine eile, le profaí, le comharthaí, le hiontais, le cogadh, le láimh láidir agus le géag ar tinneall? - na nithe sin go léir a rinne an Tiarna daoibhse, os comhair bhur súl san Éigipt.

[35]Thaispeáin sé an méid sin daoibh, d'fhonn go mbeadh a fhios agaibh gurb é an Tiarna is Dia dáiríre agus nach bhfuil Dia ann ach é.

[36] Dos céus te fez ouvir a sua voz, para te ensinar, e sobre a terra te mostrou o seu grande fogo, e do meio do fogo ouviste as suas palavras.

[37] Porquanto amou teus pais, e escolheu a sua descendência depois deles, e te tirou do Egito, ele mesmo presente e com a sua grande força,

[38] para lançar de diante de ti nações maiores e mais poderosas do que tu, para te introduzir na sua terra e ta dar por herança, como hoje se vê.

[39] Por isso, hoje, saberás e refletirás no teu coração que só o SENHOR é Deus em cima no céu e embaixo na terra; nenhum outro há.

[40] Guarda, pois, os seus estatutos e os seus mandamentos que te ordeno hoje, para que te vá bem a ti e a teus filhos depois de ti e para que prolongues os dias na terra que o SENHOR, teu Deus, te dá para todo o sempre.

Três cidades de refúgio

Números 35.9-15; Deuteronômio 19.1-3

[41] Então, Moisés separou três cidades dalém do Jordão, do lado do nascimento do sol,

[42] para que se acolhesse ali o homicida que matasse, involuntariamente, o seu próximo, a quem, dantes, não tivesse ódio algum, e se acolhesse a uma destas cidades e vivesse:

[43] Bezer, no deserto, no planalto, para os rubenitas; Ramote, em Gileade, para os

[36]Lig sé duit a ghuth a chlos ó neamh do do theagasc; lig sé duit a thine mhór a fheiceáil ar talamh, agus ó chroí na tine chuala tú a bhriathar.

[37]De bhrí gurbh ansa leis do shinsir agus gur thogh sé sliocht ina ndiaidh, agus gur thug sé as an Éigipt amach thú, gan ceilt ar a láthar na ar a mhórchumhacht,

[38]ag díbirt náisiún ba mhó agus ba threise ná thú féin romhat amach, agus thug sé isteach ina bhfearann siúd thú lena thabhairt duit mar oidhreacht, rud atá go dtí inniu féin;

[39]tuig é seo inniu dá bhrí sin agus ding i do chroí é: Is é an Tiarna is Dia dáiríre ar neamh thuas agus ar talamh thíos; níl ann ach é.

[40]Coimeád a reachta agus a aitheanta dá bhrí sin mar a thugaim duit iad inniu i dtreo go mbeidh conách ort féin agus ar do shliocht, agus saol fada agat sa tír atá á thabhairt duit go brách ag an Tiarna do Dhia."

An Dara hAitheasc

Am agus Log

[41]Ansin chuir Maois trí cathracha lastoir, taobh thall den Iordáin, i leataobh

[42]mar a bhféadfadh an marfóir tearmann a fháil, an té is é sin a mharaigh a chomharsa go cinniúnach, agus gan é i bhfaltanas leis roimhe sin; le teitheadh i gcathair díobhsan, d'fhéadfadh sé a anam a bhreith leis.

[43]Ba iad seo iad: do na Reúbaenigh, Beizir san fhásach ar an ardchlár; do na Gádaigh,

gaditas; e Golã, em Basã, para os manassitas.

Rámot i nGileád; do na Manaisigh, Gólán i mBáiseán.

O Segundo Discurso de Moisés
Moisés conta a história da legislação

[44] Esta é a lei que Moisés propôs aos filhos de Israel.

[44]Seo é an dlí a leag Maois roimh chlann Iosrael;

[45] São estes os testemunhos, e os estatutos, e os juízos que Moisés falou aos filhos de Israel, quando saíram do Egito,

[45]seo iad na hachtanna agus na dlíthe agus na reachtanna a d'ordaigh Maois do chlann Iosrael ar theacht as an Éigipt dóibh,

[46] além do Jordão, no vale defronte de Bete-Peor, na terra de Seom, rei dos amorreus, que habitava em Hesbom, a quem Moisés e os filhos de Israel feriram ao saírem do Egito,

[46]agus iad lastall den Iordáin sa ghleann láimh le Béit Peór i bhfearann Síochon rí na nAmórach a chónaigh i Heisbeon; bhris Maois agus clann Iosrael airsean ar theacht as an Éigipt dóibh,

[47] e tomaram a sua terra em possessão, como também a terra de Ogue, rei de Basã, dois reis dos amorreus, que estavam além do Jordão, do lado do nascimento do sol;

[47]agus ghabhadar seilbh ar a fhearann agus ar fhearann Óg rí Bháiseán - dhá rí na nAmórach a lonnaigh thoir lastall den Iordáin,

[48] desde Aroer, que está à borda do vale de Arnom, até ao monte Siom, que é Hermom,

[48]ó Aroéir ar an ardán os cionn ghleann an Arnón go Sliabh Shirion, Hearmón is é sin -

[49] e toda a Arabá, além do Jordão, do lado oriental, até ao mar da Arabá, pelas faldas de Pisga.

[49]agus ar an Arabá go léir lastoir den Iordáin, go Muir an Arabá faoi bhun shleasa Phisceá.

Deuteronômio 5

A repetição dos dez mandamentos
Êxodo 20.1-17

[1] Chamou Moisés a todo o Israel e disse-lhe: Ouvi, ó Israel, os estatutos e juízos que hoje vos falo aos ouvidos, para que os aprendais e cuideis em os cumprirdes.

[2] O SENHOR, nosso Deus, fez aliança conosco em Horebe.

Deotranaimí 5

Na Deich nAitheanta

[1]Thionóil Maois Iosrael go léir chuige agus dúirt leo: “A Iosrael, éist leis na dlíthe agus leis na reachtanna a labhraím in bhur gcomhchlos inniu. Foghlaimígí iad agus comhlíonaigí iad le barr cúraim.

[2]Rinne an Tiarna ár nDia conradh linn ar Shliabh Horaeb.

[3] Não foi com nossos pais que fez o SENHOR esta aliança, e sim conosco, todos os que, hoje, aqui estamos vivos.

[3]Ní lenár n-aithreacha a rinne an Tiarna an conradh seo, ach linne, sinne atá anseo beo gach duine againn anseo inniu.

[4] Face a face falou o SENHOR conosco, no monte, do meio do fogo

[4]Labhair an Tiarna gnúis le gnúis libh ar an sliabh ó chroí na tine,

[5] (Nesse tempo, eu estava em pé entre o SENHOR e vós, para vos notificar a palavra do SENHOR, porque temestes o fogo e não subistes ao monte.), dizendo:

[5]agus sheas mise lena linn sin ar fad idir an Tiarna agus sibhse chun briathar an Tiarna a fhógairt daoibh, óir bhí eagla na tine oraibh, agus ní dheachaigh sibh suas faoin sliabh. Dúirt sé:

[6] Eu sou o SENHOR, teu Deus, que te tirei do Egito, da casa da servidão.

[6]‘Mise an Tiarna do Dhia a thug amach as tír na hÉigipte thú agus as teach na daoirse.

[7] Não terás outros deuses diante de mim.

[7]Ná bíodh aon déithe eile agat i mo láthair.

[8] Não farás para ti imagem de escultura, nem semelhança alguma do que há em cima no céu, nem embaixo na terra, nem nas águas debaixo da terra;

[8]Ná déan duit féin aon íomhá ghreanta, ná cosúlacht aon ní dá bhfuil ar neamh thuas, ná ar talamh thíos, ná sna huiscí atá faoin talamh.

[9] não as adorarás, nem lhes darás culto; porque eu, o SENHOR, teu Deus, sou Deus zeloso, que visito a iniqüidade dos pais nos filhos até a terceira e quarta geração daqueles que me aborrecem,

[9]Ná sléacht rompu agus ná déan iad a adhradh. Óir is Dia éadmhar mise, an Tiarna do Dhia, agus déanaim coir an athar a agairt ar an gclann mhac, agus ar chlann a chlainne go dtí an ceathrú glúin díobh siúd ar fuath leo mé,

[10] e faço misericórdia até mil gerações daqueles que me amam e guardam os meus mandamentos.

[10]ach déanaim cineáltas buan leis na mílte díobh siúd a thugann grá dom agus a choimeádann m'aitheanta.

[11] Não tomarás o nome do SENHOR, teu Deus, em vão, porque o SENHOR não terá por inocente o que tomar o seu nome em vão.

[11]Ná luaigh ainm Dé le mí-úsáid a bhaint as. Óir an té a luafaidh ainm an Tiarna le mí-úsaid a bhaint as, ní fhágfaidh an Tiarna gan phionós é.

[12] Guarda o dia de sábado, para o santificar, como te ordenou o SENHOR, teu Deus.

[12]Coimeád an tsabóid agus naomhaigh í, mar a d'ordaigh an Tiarna do Dhia duit.

[13] Seis dias trabalharás e farás toda a tua obra.
[14] Mas o sétimo dia é o sábado do SENHOR, teu Deus; não farás nenhum trabalho, nem tu, nem o teu filho, nem a tua filha, nem o teu servo, nem a tua serva, nem o teu boi, nem o teu jumento, nem animal algum teu, nem o estrangeiro das tuas portas para dentro, para que o teu servo e a tua serva descansem como tu;
[15] porque te lembrarás que foste servo na terra do Egito e que o SENHOR, teu Deus, te tirou dali com mão poderosa e braço estendido; pelo que o SENHOR, teu Deus, te ordenou que guardasses o dia de sábado.
[16] Honra a teu pai e a tua mãe, como o SENHOR, teu Deus, te ordenou, para que se prolonguem os teus dias e para que te vá bem na terra que o SENHOR, teu Deus, te dá.
[17] Não matarás.
[18] Não adulterarás.
[19] Não furtarás.
[20] Não dirás falso testemunho contra o teu próximo.
[21] Não cobiçarás a mulher do teu próximo. Não desejarás a casa do teu próximo, nem o seu campo, nem o seu servo, nem a sua serva, nem o seu boi, nem o seu jumento, nem coisa alguma do teu próximo.

Moisés, mediador entre Deus e o povo
Êxodo 20.18-21

[22] Estas palavras falou o SENHOR a toda a vossa congregação no monte, do meio do fogo, da nuvem e da escuridade, com

[13]Caithfidh tú sé lá ag obair agus ag déanamh do shaothair go léir,
[14]ach an seachtú lá, is sabóid é don Tiarna do Dhia. An lá sin ná déan scaob oibre - tú féin, ná do mhac ná d'iníon, ná do dhaor ná do dhaoirseach, ná do dhamh, ná do asal, ná aon cheann de do ainmhithe, ná an deoraí faoi do dhíon, i dtreo go mbeidh sos ag do dhaor agus ag do dhaoirseach do dhála féin.
[15]Cuimhnigh go raibh tú féin i do sheirbhíseach i dtír na hÉigipte agus go dtug an Tiarna do Dhia amach as siúd thú le láimh láidir agus le géag ar tinneall; uime sin d'aithin an Tiarna do Dhia duit an tsabóid a choimeád.
[16]Tabhair do d'athair agus do do mháthair onóir mar a d'aithin an Tiarna do Dhia duit i dtreo go mba fhada iad do laethe agus go mbeadh an rath ort sa tír a thugann an Tiarna do Dhia duit.
[17]Ná déan marú.
[18]Ná déan adhaltranas.
[19]Ná déan goid.
[20]Ná tabhair fianaise bhréige in aghaidh do chomharsan.
[21]Ná santaigh bean do chomharsan; ná bí ag tnúth lena theach ná lena ghort, lena dhaor ná lena dhaoirseach, lena dhamh ná lena asal, ná le haon ní dá chuid.'
[22]"Sin iad na briathra a labhair an Tiarna libh go léir i gcomhthionól ag an sliabh; labhair sé libh de ghlór ard ó lar na tine,

grande voz, e nada acrescentou. Tendo-as escrito em duas tábuas de pedra, deu-mas a mim.

23 Sucedeu que, ouvindo a voz do meio das trevas, enquanto ardia o monte em fogo, vos achegastes a mim, todos os cabeças das vossas tribos e vossos anciãos,

24 e dissestes: Eis aqui o SENHOR, nosso Deus, nos fez ver a sua glória e a sua grandeza, e ouvimos a sua voz do meio do fogo; hoje, vimos que Deus fala com o homem, e este permanece vivo.

25 Agora, pois, por que morreríamos? Pois este grande fogo nos consumiria; se ainda mais ouvíssemos a voz do SENHOR, nosso Deus, morreríamos.

26 Porque quem há, de toda carne, que tenha ouvido a voz do Deus vivo falar do meio do fogo, como nós ouvimos, e permanecido vivo?

27 Chega-te, e ouve tudo o que disser o SENHOR, nosso Deus; e tu nos dirás tudo o que te disser o SENHOR, nosso Deus, e o ouviremos, e o cumpriremos.

28 Ouvindo, pois, o SENHOR as vossas palavras, quando me faláveis a mim, o SENHOR me disse: Eu ouvi as palavras deste povo, as quais te disseram; em tudo falaram eles bem.

an néil, agus an dorchadais thiubh. Níor chuir sé aon rud eile leo, ach iad a scríobh síos ar dhá chlár chloiche agus thug dom iad.

Maois an tIdirghabhálaí

23“Nuair a chuala sibh an glór seo ag teacht as an dorchadas, agus an sliabh go léir trí thine, tháinig sibh chugam, ceannairí bhur dtreibheanna agus bhur seanóirí,

24agus dúirt sibh: ‘Féach, thaispeáin an Tiarna ár nDia a ghlóir dúinn agus a mhórgacht agus chualamar a ghlór ó chroí na tine. Chonaiceamar inniu gur féidir do Dhia, labhairt leis an duine, agus an duine a fhanacht beo.

25Cén fáth go bhfaighimis bás anois? Óir loiscfidh an tine mhór seo sinn; má chloisimid glór an Tiarna ár nDia an dara huair ní baol ná go dtitfidh an t-anam asainn.

26Óir cén duine daonna den uile fheoil a chloisfeadh glor Dé bheo ag labhairt ó chroí na tine mar a rinneamar, agus a d'fhéadfadh fanacht beo?

27Druidse leis, dá bhrí sin, agus éist lena bhfuil le rá ag an Tiarna ár nDia, agus inis dúinne gach a ndéarfaidh an Tiarna ár nDia leat; éistfimid leis agus déanfaimid dá réir.’

28Chuala an Tiarna a ndúirt sibh liom, agus dúirt liom: ‘Chuala mé caint uile an phobail seo leat; is maith mar a dúradar gach a bhfuil ráite acu.

[29] Quem dera que eles tivessem tal coração, que me temessem e guardassem em todo o tempo todos os meus mandamentos, para que bem lhes fosse a eles e a seus filhos, para sempre!

[30] Vai, dize-lhes: Tornai-vos às vossas tendas.

[31] Tu, porém, fica-te aqui comigo, e eu te direi todos os mandamentos, e estatutos, e juízos que tu lhes hás de ensinar que cumpram na terra que eu lhes darei para possuí-la.

[32] Cuidareis em fazerdes como vos mandou o SENHOR, vosso Deus; não vos desviareis, nem para a direita, nem para a esquerda.

[33] Andareis em todo o caminho que vos manda o SENHOR, vosso Deus, para que vivais, bem vos suceda, e prolongueis os dias na terra que haveis de possuir.

[29]Uch gan a gcroí a bheith mar sin i gcónaí, socair ar m'eaglasa agus ar m'aitheanta a choimeád, i dtreo go mbeadh an rath orthu féin agus ar a gclann go brach!

[30]Imigh leat agus abair leo: Filligí ar bhur mbothanna.

[31]Ach fansa anseo i do sheasamh taobh liom, agus inseoidh mé duit na haitheanta go léir agus na dlíthe agus na reachtanna go léir atá le teagasc agat dóibh, agus atá le comhlíonadh acu sa tír atá á thabhairt agam ina seilbh.'

Grá agus Dílseacht don Tiarna

[32]"Féachaigí chuige dá bhrí sin go ndéanfaidh sibh de réir mar a d'aithin an Tiarna ár nDia daoibh. Ná claonaigí ar dheis na ar chlé ón gcosán.

[33]Cloígí leis an mbealach go léir a d'aithin an Tiarna daoibh agus beidh an bheatha agaibh, agus beidh an rath oraibh, agus beidh fad saoil agaibh sa tír a bheidh in bhur seilbh.

Deuteronômio 6

O fim da lei é a obediência

[1] Estes, pois, são os mandamentos, os estatutos e os juízos que mandou o SENHOR, teu Deus, se te ensinassem, para que os cumprisses na terra a que passas para a possuir;

[2] para que temas ao SENHOR, teu Deus, e guardes todos os seus estatutos e mandamentos que eu te ordeno, tu, e teu

Deotranaimí 6

[1]"Seo iad dá bhrí sin an aithne, na dlíthe, agus na reachtanna d'aithin an Tiarna bhur nDia dom a mhúineadh daoibh i dtreo go gcomhlíonfadh sibh iad san fhearann dá dtéann sibh anonn chun a shealbhaithe.

[2]Má bhíonn eagla an Tiarna do Dhia ort, ar an gcuma sin, gach lá de do shaol, agus má choimeádann tú na dlíthe agus na

filho, e o filho de teu filho, todos os dias da tua vida; e que teus dias sejam prolongados.

[3] Ouve, pois, ó Israel, e atenta em os cumprires, para que bem te suceda, e muito te multipliques na terra que mana leite e mel, como te disse o SENHOR, Deus de teus pais.

[4] Ouve, Israel, o SENHOR, nosso Deus, é o único SENHOR.

[5] Amarás, pois, o SENHOR, teu Deus, de todo o teu coração, de toda a tua alma e de toda a tua força.

[6] Estas palavras que, hoje, te ordeno estarão no teu coração;

[7] tu as inculcarás a teus filhos, e delas falarás assentado em tua casa, e andando pelo caminho, e ao deitar-te, e ao levantar-te.

[8] Também as atarás como sinal na tua mão, e te serão por frontal entre os olhos.

[9] E as escreverás nos umbrais de tua casa e nas tuas portas.

[10] Havendo-te, pois, o SENHOR, teu Deus, introduzido na terra que, sob juramento, prometeu a teus pais, Abraão, Isaque e Jacó, te daria, grandes e boas cidades, que tu não edificaste;

[11] e casas cheias de tudo o que é bom, casas que não encheste; e poços abertos, que não abriste; vinhais e olivais, que não plantaste; e, quando comeres e te fartares,

nósanna go léir a leagaim ort, beidh fad saoil agat, agat féin agus ag do mhac agus ag mac do mhic.

[3]Éist mar sin a Iosrael agus féach chuige go gcuirfidh tú i ngníomh na nithe a chuirfidh conách agus rath go hiomarcach ort, faoi mar a gheall an Tiarna Dia do shinsear duit i dtír ina bhfuil bainne agus mil ina slaoda.

[4]“Éist, a Iosrael: an Tiarna ár nDia, an t-aon Tiarna.

[5]Gráigh an Tiarna do Dhia ó do chroí go hiomlán, ó do anam go hiomlán, agus ó do neart go hiomlán.

[6]Na briathra seo a ordaím duit inniu, bídís greanta ar do chroí.

[7]Déan iad a theagasc go dúthrachtach do do chlann, agus iad a aithris dóibh i do shuí i do theach duit, nó ag siúl na slí, nó i do luí nó ag éirí duit.

[8]Ceangail iad mar chomhartha ar do láimh, agus mar lann ar d'éadan.

[9]Scríobh iad ar ursaineacha do thí agus ar do gheataí.

[10]“Nuair a thabharfaidh an Tiarna thú isteach sa tír a mhionnaigh sé do d'aithreacha, d'Abrahám, d'Íosác agus do Iacób a thabharfadh sé daoibh, mar aon le cathracha móra maithe nach tú a thóg,

[11]agus tithe lán de ollmhaitheasaí de gach sórt nach tú a sholáthraigh, agus toibreacha doimhne nach tú a thochail, fíonghoirt agus crainn ola nach tú a phlandaigh - nuair a bheidh na nithe sin caite agat agus do sháith agat,

[12] guarda-te, para que não esqueças o SENHOR, que te tirou da terra do Egito, da casa da servidão.

[13] O SENHOR, teu Deus, temerás, a ele servirás, e, pelo seu nome, jurarás.

[14] Não seguirás outros deuses, nenhum dos deuses dos povos que houver à roda de ti,

[15] porque o SENHOR, teu Deus, é Deus zeloso no meio de ti, para que a ira do SENHOR, teu Deus, se não acenda contra ti e te destrua de sobre a face da terra.

[16] Não tentarás o SENHOR, teu Deus, como o tentaste em Massá.

[17] Diligentemente, guardarás os mandamentos do SENHOR, teu Deus, e os seus testemunhos, e os seus estatutos que te ordenou.

[18] Farás o que é reto e bom aos olhos do SENHOR, para que bem te suceda, e entres, e possuas a boa terra a qual o SENHOR, sob juramento, prometeu dar a teus pais,

[19] lançando todos os teus inimigos de diante de ti, como o SENHOR tem dito.

[20] Quando teu filho, no futuro, te perguntar, dizendo: Que significam os testemunhos, e estatutos, e juízos que o SENHOR, nosso Deus, vos ordenou?

[21] Então, dirás a teu filho: Éramos servos de Faraó, no Egito; porém o SENHOR de lá nos tirou com poderosa mão.

[12]seachain agus ná déan dearmad ar an Tiarna a thug thú amach as tír na hÉigipte agus as teach na daoirse.

[13]Bíodh eagla an Tiarna do Dhia ort, déan seirbhís dó agus mionnaigh dar a ainm.

[14]Ná lean déithe eile, déithe na ndaoine máguaird oraibh.

[15]Óir an Tiarna do Dhia a chónaíonn in bhur measc, is Dia éadmhar é; d'fhéadfadh a fhearg lasadh i d'aghaidh agus tú a scrios de chlár na cruinne.

[16]Ná déan promhadh ar an Tiarna bhur nDia, mar rinne sibh leis ag Masá.

[17]Coimeád le barr cúraim aitheanta an Tiarna bhur nDia, agus na reachtanna agus na dlíthe a d'ordaigh sé duit.

[18]Déan an chóir agus an mhaith i láthair an Tiarna i dtreo go rithfidh leat agus go rachaidh tú isteach agus seilbh a ghabháil ar an talamh fónta a mhionnaigh an Tiarna a thabharfaidh sé do d'aithreacha,

[19]agus do naimhde go léir á dtiomáint amach aige romhat; sin mar a gheall an Tiarna.

[20]“Nuair a chuirfidh do mhac ceist ort san am atá le teacht: ‘Cad is ciall leis na haitheanta agus na dlíthe agus na reachtanna a d'aithin an Tiarna ár nDia daoibh? ’

[21]abair le do mhac: ‘Ba dhaoir le Forann sinn tráth san Éigipt, agus thug an Tiarna amach as an Éigipt sinn le láimh láidir;

[22] Aos nossos olhos fez o SENHOR sinais e maravilhas, grandes e terríveis, contra o Egito e contra Faraó e toda a sua casa;

[23] e dali nos tirou, para nos levar e nos dar a terra que sob juramento prometeu a nossos pais.

[24] O SENHOR nos ordenou cumpríssemos todos estes estatutos e temêssemos o SENHOR, nosso Deus, para o nosso perpétuo bem, para nos guardar em vida, como tem feito até hoje.

[25] Será por nós justiça, quando tivermos cuidado de cumprir todos estes mandamentos perante o SENHOR, nosso Deus, como nos tem ordenado.

Deuteronômio 7

Admoestações contra a infidelidade
Êxodo 34.10-17

[1] Quando o SENHOR, teu Deus, te introduzir na terra a qual passas a possuir, e tiver lançado muitas nações de diante de ti, os heteus, e os girgaseus, e os amorreus, e os cananeus, e os ferezeus, e os heveus, e os jebuseus, sete nações mais numerosas e mais poderosas do que tu;

[2] e o SENHOR, teu Deus, as tiver dado diante de ti, para as ferir, totalmente as destruirás; não farás com elas aliança, nem terás piedade delas;

[22]agus thaispeáin an Tiarna comharthaí agus iontais mhóra uafara in aghaidh na hÉigipte agus Fhorainn agus a theaghlaigh go léir os comhair ár súl.

[23]Thug sé as siúd amach sinn d'fhonn sinn a thabhairt isteach agus an tír a thabhairt dúinn, an tír a mhionnaigh sé a thabharfadh sé dár n-aithreacha.

[24]D'aithin an Tiarna dúinn na dlíthe seo go léir a chomhlíonadh agus eagla an Tiarna ár nDia a bheith orainn, ar mhaithe linn féin i gcónaí, sa chaoi go gcoimeádfadh sé beo sinn mar a rinne go dtí an lá inniu féin.

[25]Sé is fíréantacht dúinn: na haitheanta seo uile a chomhlíonadh os comhair an Tiarna ár nDia faoi mar a d'aithin sé dúinn.'

Deotranaimí 7

Pobal ar Leith

[1]“Nuair a sheolfaidh an Tiarna do Dhia thú isteach sa tír ina bhfuil tú ag dul le seilbh a thógáil air, agus a scriosfaidh sé a lán ciníocha romhat, na Hitigh, na Giorgáisigh, na hAmóraigh, na Canánaigh, na Pirizigh, na Hivigh, na Iabúsaigh, seacht gcine is mó agus is treise ná sibh féin,

[2]agus nuair a dhéanfaidh an Tiarna do Dhia iad a thabhairt ar láimh duit, cloífidh tú iad. Ní foláir duit iad a chur faoi bhang, agus gan aon chonradh a dhéanamh leo, ná aon trócaire a dhéanamh orthu.

3 nem contrairás matrimônio com os filhos dessas nações; não darás tuas filhas a seus filhos, nem tomarás suas filhas para teus filhos;	3Ná déan cleamhnas leo; ná tabhair iníon leat do mhac díobh, agus ná tóg iníon leo do mhac leat.
4 pois elas fariam desviar teus filhos de mim, para que servissem a outros deuses; e a ira do SENHOR se acenderia contra vós outros e depressa vos destruiria.	4Óir chlaonfaidís do mhac, ó bheith dom leanúint-sé, chun seirbhís do dhéithe eile; agus ansin lasfadh fearg an Tiarna i d'aghaidh, agus scriosfadh sé thú ar an toirt.
5 Porém assim lhes fareis: derribareis os seus altares, quebrareis as suas colunas, cortareis os seus postes-ídolos e queimareis as suas imagens de escultura.	5Ach seo í an íde a thabharfaidh sibh orthu: scartálaigí a n-altóirí, agus brisigí a n-íomhánna, agus gearraigí anuas a gcuaillí naofa agus cuirigí tine lena n-íola snoite.
6 Porque tu és povo santo ao SENHOR, teu Deus; o SENHOR, teu Deus, te escolheu, para que lhe fosses o seu povo próprio, de todos os povos que há sobre a terra.	6Óir is pobal tú atá coisricthe don Tiarna do Dhia; is tú a thogh an Tiarna do Dhia as na ciníocha uile ar chlár na cruinne le bheith i do phobal ar leith aige féin.
7 Não vos teve o SENHOR afeição, nem vos escolheu porque fôsseis mais numerosos do que qualquer povo, pois éreis o menor de todos os povos,	7"Níor thug an Tiarna grá daoibh, ná níor thogh sé sibh de bhrí gur líonmhaire sibh ná pobal ar bith eile, óir ba sibh an pobal ba shuaraí de na pobail go léir.
8 mas porque o SENHOR vos amava e, para guardar o juramento que fizera a vossos pais, o SENHOR vos tirou com mão poderosa e vos resgatou da casa da servidão, do poder de Faraó, rei do Egito.	8Is le barr a ghrá daoibh agus toisc go bhfuil an Tiarna ag comhlíonadh an mhionna a mhionnaigh sé do bhur n-aithreacha, a thug an Tiarna amach sibh le láimh láidir agus a d'fhuascail sé sibh ó theach na daoirse, agus ó chumhacht Fhorainn rí na hÉigipte.
9 Saberás, pois, que o SENHOR, teu Deus, é Deus, o Deus fiel, que guarda a aliança e a misericórdia até mil gerações aos que o amam e cumprem os seus mandamentos;	9Bíodh a fhios agat dá bhrí sin gur Dia dáiríre an Tiarna do Dhia, Dia dílis a choimeádann a chonradh agus a bhuanghrá ar feadh míle glúin ina leith siúd a ghránn é agus a chomhlíonann a aitheanta,

[10] e dá o pago diretamente aos que o odeiam, fazendo-os perecer; não será demorado para com o que o odeia; prontamente, lho retribuirá.

[11] Guarda, pois, os mandamentos, e os estatutos, e os juízos que hoje te mando cumprir.

Bênçãos decorrentes da obediência

Levítico 26.3-13; Deuteronômio 28.1-14

[12] Será, pois, que, se, ouvindo estes juízos, os guardares e cumprires, o SENHOR, teu Deus, te guardará a aliança e a misericórdia prometida sob juramento a teus pais;

[13] ele te amará, e te abençoará, e te fará multiplicar; também abençoará os teus filhos, e o fruto da tua terra, e o teu cereal, e o teu vinho, e o teu azeite, e as crias das tuas vacas e das tuas ovelhas, na terra que, sob juramento a teus pais, prometeu dar-te.

[14] Bendito serás mais do que todos os povos; não haverá entre ti nem homem, nem mulher estéril, nem entre os teus animais.

[15] O SENHOR afastará de ti toda enfermidade; sobre ti não porá nenhuma das doenças malignas dos egípcios, que bem sabes; antes, as porá sobre todos os que te odeiam.

[16] Consumirás todos os povos que te der o SENHOR, teu Deus; os teus olhos não terão piedade deles, nem servirás a seus deuses, pois isso te seria por ciladas.

[10]ach a agraíonn é lena mbéal ar lucht a fhuatha agus scriosann iad. Is beag an mhoill air an té a thugann fuath dó a scrios; agraíonn sé lena bhéal air é.

[11]Coimeád, dá bhrí sin, go beacht, na haitheanta agus na reachta agus na dlíthe a ordaímse duit inniu.

[12]“Éist leis na dlíthe seo agus bí dílis dóibh agus coimeád iad agus beidh an Tiarna, do Dhia, dílis don chonradh agus don bhuanghrá a mhionnaigh sé do d'aithreacha.

[13]Tabharfaidh sé grá duit, beannacht duit agus méadóidh sé do líon. Cuirfidh sé a bheannacht ar thoradh do bhroinne agus ar thoradh do thalún - d'arbhar, do fhíon, agus d'ola, an bhreis ar do tháin bó agus ar do thréad caorach, sa tír a mhionnaigh sé do do shinsir a thabharfadh sé duit.

[14]Beidh beannacht ort thar an uile phobal; ní bheidh fireann ná baineann aimrid i measc do mhuintire ná i measc do stoic.

[15]Coimeádfaidh an Tiarna gach galar i bhfad uait; ní chiapfaidh sé thú le haon cheann de phlánna urchóideacha na hÉigipte as eol duit, ach leagfaidh sé iad ar an dream ar fuath leo thú.

[16]Scrios dá bhrí sin na ciníocha go léir a chuirfidh an Tiarna faoi do láimh; ná bíodh trua ná taise agat dóibh; ná déan seirbhís dá ndéithe mar gur ghaiste duit sin.

Cumhacht an Tiarna

[17] Se disseres no teu coração: Estas nações são mais numerosas do que eu; como poderei desapossá-las?
[18] Delas não tenhas temor; lembrar-te-ás do que o SENHOR, teu Deus, fez a Faraó e a todo o Egito;
[19] das grandes provas que viram os teus olhos, e dos sinais, e maravilhas, e mão poderosa, e braço estendido, com que o SENHOR, teu Deus, te tirou; assim fará o SENHOR, teu Deus, com todos os povos, aos quais temes.
[20] Além disso, o SENHOR, teu Deus, mandará entre eles vespões, até que pereçam os que ficarem e se esconderem de diante de ti.
[21] Não te espantes diante deles, porque o SENHOR, teu Deus, está no meio de ti, Deus grande e temível.
[22] O SENHOR, teu Deus, lançará fora estas nações, pouco a pouco, de diante de ti; não poderás destruí-las todas de pronto, para que as feras do campo se não multipliquem contra ti.
[23] Mas o SENHOR, teu Deus, tas entregará e lhes infligirá grande confusão, até que sejam destruídas.
[24] Entregar-te-á também nas mãos os seus reis, para que apagues o nome deles de debaixo dos céus; nenhum homem poderá resistir-te, até que os destruas.
[25] As imagens de escultura de seus deuses queimarás; a prata e o ouro que estão sobre elas não cobiçarás, nem os tomarás

[17]“Má bhuaileann sé isteach i do chroí a rá: ‘Is líonmhaire na ciníocha seo ná mé; conas a chuirfinn as seilbh iad? ’
[18]ná bíodh eagla ort rompu, ach cuimhnigh cad a rinne an Tiarna do Dhia le Forann agus leis an Éigipt go léir,
[19]na cathuithe móra a chonaic tú le do shúile cinn, na comharthaí, na hiontais, an lámh láidir agus an ghéag ar tinneall lenar thug an Tiarna do Dhia amach thú; sin í an íde a thabharfaidh an Tiarna ar na ciníocha go léir a bhfuil eagla ort rompu.
[20]Mar bharr air sin seolfaidh an Tiarna cearnabháin ina measc chun an dream a fhanann i bhfolach uait a scrios.
[21]Ná bíodh aon eagla ort rompu, óir tá an Tiarna do Dhia in bhur measc, agus is mór agus is uafar an Dia é.
[22]Scriosfaidh an Tiarna do Dhia na ciníocha seo romhat de réir a chéile. Ní rithfidh leat iad a scrios d'aon iarracht le heagla go n-éireodh na hainmhithe allta rólíonmhar duit.
[23]Ach tabharfaidh an Tiarna do Dhia ar láimh duit iad, agus ciapfaidh sé iad nó go scriosfar iad.
[24]Tabharfaidh sé a ríthe ar láimh duit agus déanfaidh tú a n-ainmneacha a scrios ó faoin spéir; fear ní fhéadfaidh seasamh i d'aghaidh nó go mbeidh siad go léir scriosta agat.
[25]Loisc íomhánna snoite a ndéithe, gan dúil a chur san airgead ná san ór a chlúdaíonn iad, ná é bhreith leat duit féin

para ti, para que te não enlaces neles; pois são abominação ao SENHOR, teu Deus.

[26] Não meterás, pois, coisa abominável em tua casa, para que não sejas amaldiçoado, semelhante a ela; de todo, a detestarás e, de todo, a abominarás, pois é amaldiçoada.

le heagla go mba ghaiste duit é, óir is gráin leis an Tiarna do Dhia é.

[26]Ná tabhair aon ní gráiniúil isteach i do theach, nó tiocfaidh tú féin leis faoin mbang a dhála sin; bíodh fuath agus gráin agat dá leithéid óir tá sé faoi bhang.

Deuteronômio 8

Exortação a ter em memória os benefícios do SENHOR

[1] Cuidareis de cumprir todos os mandamentos que hoje vos ordeno, para que vivais, e vos multipliqueis, e entreis, e possuais a terra que o SENHOR prometeu sob juramento a vossos pais.

[2] Recordar-te-ás de todo o caminho pelo qual o SENHOR, teu Deus, te guiou no deserto estes quarenta anos, para te humilhar, para te provar, para saber o que estava no teu coração, se guardarias ou não os seus mandamentos.

[3] Ele te humilhou, e te deixou ter fome, e te sustentou com o maná, que tu não conhecias, nem teus pais o conheciam, para te dar a entender que não só de pão viverá o homem, mas de tudo o que procede da boca do SENHOR viverá o homem.

[4] Nunca envelheceu a tua veste sobre ti, nem se inchou o teu pé nestes quarenta anos.

Deotranaimí 8

An Fásach

[1]“Na haitheanta go léir a ordaím duit inniu, ní foláir duit iad a choimeád agus a chomhlíonadh, d'fhonn go mbeadh an bheatha agaibh agus go rachadh sibh i líonmhaire agus dul isteach agus seilbh a fháil ar an tír a mhionnaigh an Tiarna a thabharfadh sé do bhur n-aithreacha.

[2]Agus cuimhnigh ar an gcaoi go léir ar threoraigh an Tiarna do Dhia thú le daichead bliain san fhásach, d'fhonn tú a umhlú, tú a phromhadh, agus eolas a chur ar rún do chroí féachaint an gcoimeádfá a aitheanta nó nach ndéanfá.

[3]D'umhlaigh sé thú agus d'fhág ocrach thú agus chothaigh thú le manna nárbh eol duit féin ná do d'aithreacha, d'fhonn é a chur in iúl duit nach ar arán amháin a mhaireann an duine, ach go maireann an duine ar gach ní a thagann ó bhéal Dé.

[4]Ní dheachaigh caitheamh ar an éadach ar do dhroim, ná níor tháinig at ar do chosa, i gcaitheamh an daichead bliain sin.

[5] Sabe, pois, no teu coração, que, como um homem disciplina a seu filho, assim te disciplina o SENHOR, teu Deus.
[6] Guarda os mandamentos do SENHOR, teu Deus, para andares nos seus caminhos e o temeres;
[7] porque o SENHOR, teu Deus, te faz entrar numa boa terra, terra de ribeiros de águas, de fontes, de mananciais profundos, que saem dos vales e das montanhas;
[8] terra de trigo e cevada, de vides, figueiras e romeiras; terra de oliveiras, de azeite e mel;
[9] terra em que comerás o pão sem escassez, e nada te faltará nela; terra cujas pedras são ferro e de cujos montes cavarás o cobre.
[10] Comerás, e te fartarás, e louvarás o SENHOR, teu Deus, pela boa terra que te deu.
[11] Guarda-te não te esqueças do SENHOR, teu Deus, não cumprindo os seus mandamentos, os seus juízos e os seus estatutos, que hoje te ordeno;
[12] para não suceder que, depois de teres comido e estiveres farto, depois de haveres edificado boas casas e morado nelas;
[13] depois de se multiplicarem os teus gados e os teus rebanhos, e se aumentar a tua prata e o teu ouro, e ser abundante tudo quanto tens,
[14] se eleve o teu coração, e te esqueças do SENHOR, teu Deus, que te tirou da terra do Egito, da casa da servidão,

[5]Bíodh a fhios agat as sin go raibh an Tiarna do Dhia do do oiliúint mar a d'oilfeadh fear a mhac.
[6]Coinnigh dá bhrí sin aitheanta an Tiarna do Dhia, agus lean a chosáin agus bíodh urraim agat dó.

Tír Tairngire

[7]Óir tá an Tiarna do Dhia do do thabhairt isteach i dtír fhónta, tír sruthán agus toibreacha, agus foinsí ag brúchtaíl aníos i ngleannta agus ar shléibhte,
[8]tír chruithneachta agus eorna, fíniúna agus figí agus pomagránaití, tír ológ agus ola agus meala,
[9]tír ina mbeidh arán gan ghannchúis le hithe agat gan aon ní in easnamh ort ann, tír arb iarann a chlocha agus ar féidir leat copar a bhaint as a shléibhte.
[10]Íosfaidh tú agus beidh do sháith agat agus beannóidh tú an Tiarna do Dhia ar son an fhearainn fhónta a thug sé duit.
[11]“Bí ar d'aire agus ná déan dearmad ar an Tiarna do Dhia le faillí a dhéanamh ina aitheanta, a reachtanna agus a dhlíthe de réir mar a ordaím duit inniu.
[12]Nuair a bheidh bia ite agat agus go mbeidh tú lán, agus nuair a thógfaidh tú tithe móra agus conaí iontu,
[13]nuair a thiocfaidh breis ar do tháinte agus ar do thréada, agus breis ar do airgead agus ar d'ór agus breis ar do mhaoin go léir,
[14]ná tagadh uaill i do chroí. Ná déan dearmad ansin ar an Tiarna do Dhia a thug

amach thú as tír na hÉigipte, as teach na daoirse;

[15] que te conduziu por aquele grande e terrível deserto de serpentes abrasadoras, de escorpiões e de secura, em que não havia água; e te fez sair água da pederneira;

[15]a threoraigh thú tríd an bhfásach mór uafásach seo, dúiche nathracha tintí agus scairpeanna, agus tarta; a thug uisce as an gcarraig chrua san áit róthirim seo;

[16] que no deserto te sustentou com maná, que teus pais não conheciam; para te humilhar, e para te provar, e, afinal, te fazer bem.

[16]a chothaigh san fhásach thú le manna nárbh eol do d'aithreacha, d'fhonn go n-úmhlódh sé thú agus tú a phromhadh agus tairbhe a dhéanamh duit i ndeireadh na dála.

[17] Não digas, pois, no teu coração: A minha força e o poder do meu braço me adquiriram estas riquezas.

[17]Seachain agus ná habair i do chroí istigh: 'Is é mo chumas féin agus neart mo láimhe a ghnóthaigh an saibhreas seo dom.'

[18] Antes, te lembrarás do SENHOR, teu Deus, porque é ele o que te dá força para adquirires riquezas; para confirmar a sua aliança, que, sob juramento, prometeu a teus pais, como hoje se vê.

[18]Cuimhnigh ar an Tiarna do Dhia óir is é a thug an cumas seo duit agus a ghnóthaigh an saibhreas seo duit; agus choimeád sé ar an gcaoi sin an conradh a mhionnaigh sé do d'aithreacha, mar a dhéanann fós inniu.

[19] Se te esqueceres do SENHOR, teu Deus, e andares após outros deuses, e os servires, e os adorares, protesto, hoje, contra vós outros que perecereis.

[19]Má dhéanann tú dearmad ar an Tiarna do Dhia, má leanann tú déithe eile agus seirbhís a dhéanamh dóibh agus iad a adhradh, tóg uaimse anois é, bí deimhin de go scriosfar sibh.

[20] Como as nações que o SENHOR destruiu de diante de vós, assim perecereis; porquanto não quisestes obedecer à voz do SENHOR, vosso Deus.

[20]Scriosfar sibh dála na gciníocha atá le díothú romhaibh ag an Tiarna, toisc gan éisteacht le glór an Tiarna bhur nDia.

Deuteronômio 9

Moisés lembra aos israelitas o socorro divino

[1] Ouve, ó Israel, tu passas, hoje, o Jordão para entrares a possuir nações maiores e

Deotranaimí 9

Leis an Tiarna an Bua

[1]"Éist, a Iosrael! Tá tú ar tí dul thar an Iordáin inniu, chun ciníocha is mó agus is treise ná thú féin a chur as seilbh agus

mais fortes do que tu; cidades grandes e amuralhadas até aos céus;

[2] povo grande e alto, filhos dos anaquins, que tu conheces e de que já ouvistes: Quem poderá resistir aos filhos de Enaque?

[3] Sabe, pois, hoje, que o SENHOR, teu Deus, é que passa adiante de ti; é fogo que consome, e os destruirá, e os subjugará diante de ti; assim, os desapossarás e, depressa, os farás perecer, como te prometeu o SENHOR.

[4] Quando, pois, o SENHOR, teu Deus, os tiver lançado de diante de ti, não digas no teu coração: Por causa da minha justiça é que o SENHOR me trouxe a esta terra para a possuir, porque, pela maldade destas gerações, é que o SENHOR as lança de diante de ti.

[5] Não é por causa da tua justiça, nem pela retitude do teu coração que entras a possuir a sua terra, mas pela maldade destas nações o SENHOR, teu Deus, as lança de diante de ti; e para confirmar a palavra que o SENHOR, teu Deus, jurou a teus pais, Abraão, Isaque e Jacó.

As infidelidades de Israel

Êxodo 32.1-20

[6] Sabe, pois, que não é por causa da tua justiça que o SENHOR, teu Deus, te dá esta boa terra para possuí-la, pois tu és povo de dura cerviz.

[7] Lembrai-vos e não vos esqueçais de que muito provocastes à ira o SENHOR, vosso

cathracha móra atá daingnithe go hard na spéire a ghabháil.

[2]Árrachtaigh mhóra arda clann seo Anácaím mar is eol duit; chuala tú an nath ina dtaobh: ‘Cé a d'fhéadfadh seasamh in aghaidh chlann Anác? ’

[3]Bí deimhin de dá bhrí sin inniu gurb é an Tiarna féin, do Dhia, a rachaidh romhat, mar thine loiscneach; scriosfaidh sé iad agus cloífidh sé romhat iad; déanfaidh tú iad a dhíbirt dá bhrí sin agus a mharú gan mhoill faoi mar a gheall an Tiarna duit.

[4]Ná habair i do chroí tar éis don Tiarna do Dhia iad a dhíbirt romhat: ‘Is de bharr mo fhíréantachta féin a chuir an Tiarna i seilbh na tíre seo mé, ’ tráth is gur de bharr a gcoirpeachta atá an Tiarna ag díbirt na gciníocha sin romhat.

[5]Ní de bharr do fhíréantachta ná do dhúthracht croí atá tú ag dul i seilbh na tíre seo leo, ach de bharr choirpeacht na gciníocha seo tá an Tiarna do Dhia á dhíbirt romhat agus chun go gcoimeádfadh sé an briathar a mhionnaigh sé do d'aithreacha d'Abrahám, d'Íosác, agus do Iacób.

[6]Bí lándeimhin de, más ea, nach de bharr do fhíréantachta atá an fearann fónta seo á thabhairt duit mar shealúchas ag an Tiarna do Dhia, óir is ceanndána an pobal thú.

Horaeb

[7]“Cuimhnigh air agus ná déan dearmad de conas mar a ghriog tú an Tiarna do Dhia

Deus, no deserto; desde o dia em que saístes do Egito até que chegastes a este lugar, rebeldes fostes contra o SENHOR;

chun feirge san fhásach. Ón lá a tháinig tú amach as tír na hÉigipte go dtí gur tháinig tú chun na háite seo, bhí sibh i gceannairc in aghaidh an Tiarna.

[8] pois, em Horebe, tanto provocastes à ira o SENHOR, que a ira do SENHOR se acendeu contra vós para vos destruir.

[8]Fiú ag Horaeb, ghriog tú an Tiarna agus bhí an Tiarna i bhfearg leat chomh mór sin go raibh sé ullamh sibh a mhilleadh.

[9] Subindo eu ao monte a receber as tábuas de pedra, as tábuas da aliança que o SENHOR fizera convosco, fiquei no monte quarenta dias e quarenta noites; não comi pão, nem bebi água.

[9]Ghabh mé suas faoin sliabh chun na cláir chloiche, cláir an chonartha a bhí an Tiarna a dhéanamh libh, a fháil. D'fhan mé daichead lá agus daichead oíche ar an sliabh, gan greim bia a ithe nó bolgam uisce a ól.

[10] Deu-me o SENHOR as duas tábuas de pedra, escritas com o dedo de Deus; e, nelas, estavam todas as palavras segundo o SENHOR havia falado convosco no monte, do meio do fogo, estando reunido todo o povo.

[10]Thug an Tiarna an dá chlár chloiche dom, agus inscríbhinn ó mhéar Dé orthu, agus na briathra go léir orthu a labhair an Tiarna libh ar an sliabh ó lár na tine lá an Tionóil.

[11] Ao fim dos quarenta dias e quarenta noites, o SENHOR me deu as duas tábuas de pedra, as tábuas da aliança.

[11]Agus ag deireadh an daichead lá agus an daichead oíche, tar éis dó an dá chlár chloiche, cláir an chonartha, a thabhairt dom,

[12] E o SENHOR me disse: Levanta-te, desce depressa daqui, porque o teu povo, que tiraste do Egito, já se corrompeu; cedo se desviou do caminho que lhe ordenei; imagem fundida para si fez.

[12]dúirt an Tiarna liom: 'Fág an áit seo agus imigh leat síos go tapa, óir an pobal a thug tú amach as an Éigipt, tá feall déanta acu. Ba bheag an mhoill orthu claonadh ón tslí a d'aithin mé dóibh; tá íol de mhiotal leáite déanta acu dóibh féin.'

[13] Falou-me ainda o SENHOR, dizendo: Atentei para este povo, e eis que ele é povo de dura cerviz.

[13]Ansin lean an Tiarna air agus dúirt liom: 'Chonaic mé an pobal seo, agus cad é mar phobal ceanndána iad!

[14] Deixa-me que o destrua e apague o seu nome de debaixo dos céus; e te faça a ti

[14]Lig dom iad a mhilleadh, agus a n-ainm a scrios ó faoi neamh, agus náisiún is treise agus is mó ná iad a dhéanamh díot.'

nação mais forte e mais numerosa do que esta.

15 Então, me virei e desci do monte; e o monte ardia em fogo; as duas tábuas da aliança estavam em ambas as minhas mãos.

16 Olhei, e eis que havíeis pecado contra o SENHOR, vosso Deus; tínheis feito para vós outros um bezerro fundido; cedo vos desviastes do caminho que o SENHOR vos ordenara.

17 Então, peguei as duas tábuas, e as arrojei das minhas mãos, e as quebrei ante os vossos olhos.

18 Prostrado estive perante o SENHOR, como dantes, quarenta dias e quarenta noites; não comi pão e não bebi água, por causa de todo o vosso pecado que havíeis cometido, fazendo mal aos olhos do SENHOR, para o provocar à ira.

19 Pois temia por causa da ira e do furor com que o SENHOR tanto estava irado contra vós outros para vos destruir; porém ainda esta vez o SENHOR me ouviu.

20 O SENHOR se irou muito contra Arão para o destruir; mas também orei por Arão ao mesmo tempo.

21 Porém tomei o vosso pecado, o bezerro que tínheis feito, e o queimei, e o esmaguei, moendo-o bem, até que se

15Chas mé agus síos liom ón sliabh arís agus bhí an sliabh faoi bharr lasrach agus bhí dhá chlár an chonartha i mo lámha.

16D'fhéach mé uaim, agus b'shiúd sibhse agus peaca déanta agaibh in aghaidh an Tiarna bhur nDia; bhí lao de mhiotal leáite déanta agaibh daoibh féin; níorbh fhada an mhoill oraibh claonadh ón tslí a d'aithin an Tiarna daoibh.

17Rug mé greim dá bhrí sin ar an dá chlár agus chaith mé síos le mo dhá láimh iad agus bhris os bhur gcomhair iad.

18Ansin thit mé ar mo bhéal agus ar mo fhiacla i láthair an Tiarna; dála na huaire roimhe sin, chaith mé daichead lá agus daichead oíche mar sin gan greim bia a ithe, ná bolgam uisce a ól, ar son an pheaca go léir a rinne sibh ag déanamh cionta is fuath leis an Tiarna, agus á ghriogadh chun feirge.

19Ba eagal liom an cuthach agus an fraoch feirge a spreag an Tiarna chomh mór sin i bhur n-aghaidh, go raibh fonn air sibh a scrios. Ach d'éist an Tiarna liom an uair sin leis.

20Bhí an Tiarna i bhfeirg le hÁrón chomh maith, agus réidh le hé a scrios, agus ghuigh mé ar son Árón chomh maith.

21Ansin thóg mé an saothar peaca, an lao a bhí déanta agaibh, agus rinne mé é a loscadh agus a bhriseadh ina smidiríní, agus a mheilt ina luaithreach mín, agus a

desfez em pó; e o seu pó lancei no ribeiro que descia do monte.

22 Também em Taberá, em Massá e em Quibrote-Hataavá provocastes muito a ira do SENHOR.

23 Quando também o SENHOR vos enviou de Cades-Barnéia, dizendo: Subi e possuí a terra que vos dei, rebeldes fostes ao mandado do SENHOR, vosso Deus, e não o crestes, e não obedecestes à sua voz.

24 Rebeldes fostes contra o SENHOR, desde o dia em que vos conheci.

Moisés intercede pelo povo
Êxodo 32.11-14,30-35

25 Prostrei-me, pois, perante o SENHOR e, quarenta dias e quarenta noites, estive prostrado; porquanto o SENHOR dissera que vos queria destruir.

26 Orei ao SENHOR, dizendo: Ó SENHOR Deus! Não destruas o teu povo e a tua herança, que resgataste com a tua grandeza, que tiraste do Egito com poderosa mão.

27 Lembra-te dos teus servos Abraão, Isaque e Jacó; não atentes para a dureza deste povo, nem para a sua maldade, nem para o seu pecado,

28 para que o povo da terra donde nos tiraste não diga: Não tendo podido o SENHOR introduzi-los na terra de que lhes tinha falado e porque os aborrecia, os tirou para matá-los no deserto.

luaithreach a chaitheamh sa sruthán a shníonn ón sliabh anuas.

Tabaerá

22“Chuir sibh fearg chomh maith ar an Tiarna ag Tabaerá agus ag Masá agus ag Ciobrot Hatavá.

23Agus nuair ab áil leis an Tiarna go bhfágfadh sibh Cáidéis Bairnéa, á rá: ‘Suas libh agus gabhaigí seilbh ar an tír a thug mé daoibh, ’ ansin rinne sibh ceannairc in aghaidh ordú an Tiarna bhur nDia; níor chreid sibh ann ná níor éist sibh lena ghlór.

24Tá sibh i gceannairc in aghaidh an Tiarna ón lá a chuir mé aithne oraibh.

25“Thit mé ar mo bhéal agus ar mo fhiacla os comhair an Tiarna agus d'fhan mé mar sin ar feadh an daichead lá agus an daichead oíche sin mar dúirt an Tiarna go scriosfadh sé sibh.

26Ghuigh mé chun an Tiarna dá bhrí sin: ‘A Thiarna Dia, ’ arsa mé, ‘ná scrios do phobal, d'oidhreacht a d'fhuascail tú le do mhórgacht, agus a thug tú amach as an Éigipt le do láimh láidir.

27Cuimhnigh ar do shearbhóntaí, ar Abrahám, ar Íosác, agus ar Iacób; ná tabhair aon aird ar cheanndáine an phobail seo, ar a gcoirpeacht ná ar a bpeaca,

28i dtreo nach mbeadh sé á rá sa tír ónar thug tú sinn: “Toisc nárbh fhéidir don Tiarna iad a thabhairt isteach sa tír a gheall sé dóibh, agus toisc go raibh an

[29] Todavia, são eles o teu povo e a tua herança, que tiraste com a tua grande força e com o braço estendido.

ghráin aige orthu a thug sé amach iad, le hiad a chur chun báis san fhásach.”
[29]Ach is iad do phobal iad, agus d'oidhreacht, a thug tú amach le do neart agus do chumas agus le do ghéag ar tinneall.’

Deuteronômio 10

As segundas tábuas da lei

[1] Naquele tempo, me disse o SENHOR: Lavra duas tábuas de pedra, como as primeiras, e sobe a mim ao monte, e faze uma arca de madeira.
[2] Escreverei nas duas tábuas as palavras que estavam nas primeiras que quebraste, e as porás na arca.
[3] Assim, fiz uma arca de madeira de acácia, lavrei duas tábuas de pedra, como as primeiras, e subi ao monte com as duas tábuas na mão.
[4] Então, escreveu o SENHOR nas tábuas, segundo a primeira escritura, os dez mandamentos que ele vos falara no dia da congregação, no monte, no meio do fogo; e o SENHOR mas deu a mim.

[5] Virei-me, e desci do monte, e pus as tábuas na arca que eu fizera; e ali estão, como o SENHOR me ordenou.

Da vocação da tribo de Levi

[6] Partiram os filhos de Israel de Beerote-Benê-Jaacã para Mosera. Ali faleceu Arão e ali foi sepultado. Eleazar, seu filho, oficiou como sacerdote em seu lugar.

Deotranaimí 10

An Áirc - Clann Léiví

[1]“San am sin dúirt an Tiarna liom: ‘Snoigh dhá chlár chloiche mar na chéad chinn agus tar aníos ar an sliabh chugam. Déan áirc adhmaid.
[2]Déanfaidh mé na briathra a bhí ar na chéad chláir a bhris tú a inscríobh ar na cláir agus cuirfidh tusa san áirc iad.’
[3]Rinne mé dá bhrí sin áirc den chrann sitím agus shnoigh mé dhá chlár chloiche mar na chéad chinn, agus ghabh mé suas faoin sliabh agus an dá chlár i mo láimh.
[4]Ansin d'inscríobh sé ar an dá chlár, faoi mar a rinne a inscríobh an chéad uair, na Deich nAitheanta a labhair an Tiarna libh ar an sliabh ó chroí na tine lá an Tionóil. Ansin thug an Tiarna dom iad.
[5]D'fhill mé ansin agus anuas liom ón sliabh agus chuir mé na cláir san áirc a bhí déanta agam, agus is ansiúd dóibh fós faoi mar a d'ordaigh an Tiarna dom.

[6](Chuir clann Iosrael chun bealaigh ó thoibreacha Bheiné Iácán go Mósaerá mar a bhfuair Árón bás; adhlacadh ansiúd é agus ghabh a mhac Eileázár a áit mar shagart.

[7] Dali partiram para Gudgoda e de Gudgoda para Jotbatá, terra de ribeiros de águas.

[8] Por esse mesmo tempo, o SENHOR separou a tribo de Levi para levar a arca da Aliança do SENHOR, para estar diante do SENHOR, para o servir e para abençoar em seu nome até ao dia de hoje.

[9] Pelo que Levi não tem parte nem herança com seus irmãos; o SENHOR é a sua herança, como o SENHOR, teu Deus, lhe tem prometido.

[10] Permaneci no monte, como da primeira vez, quarenta dias e quarenta noites; o SENHOR me ouviu ainda por esta vez; não quis o SENHOR destruir-te.

[11] Porém o SENHOR me disse: Levanta-te, põe-te a caminho diante do povo, para que entre e possua a terra que, sob juramento, prometi dar a seus pais.

Exortação à obediência

[12] Agora, pois, ó Israel, que é que o SENHOR requer de ti? Não é que temas o SENHOR, teu Deus, e andes em todos os seus caminhos, e o ames, e sirvas ao SENHOR, teu Deus, de todo o teu coração e de toda a tua alma,

[13] para guardares os mandamentos do SENHOR e os seus estatutos que hoje te ordeno, para o teu bem?

[14] Eis que os céus e os céus dos céus são do SENHOR, teu Deus, a terra e tudo o que nela há.

[7]Chuadar as sin go Gudgodá agus ó Ghudgodá go Iotbátá, dúiche le srutháin uisce.

[8]Ansin is ea a roghnaigh an Tiarna treibh Léiví chun áirc chonradh an Tiarna a iompar, chun seasamh i láthair an Tiarna, chun fónamh dó, agus chun a ainm a bheannú mar a dhéanann siad go dtí inniu féin.

[9]Tá Léiví dá bhrí sin gan páirt na oidhreacht lena bhráithre; an Tiarna a oidhreacht, faoi mar a gheall an Tiarna do Dhia dó.)

[10]“D'fhan mise ar an sliabh, dála na huaire eile, daichead lá agus daichead oíche. Agus d'éist an Tiarna arís le mo ghuí agus níorbh áil leis thú a mhilleadh.

[11]Agus dúirt an Tiarna liom: ‘Éirigh! Téigh ar aghaidh ar cheann an phobail seo i dtreo go rachaidís isteach agus seilbh a ghabháil ar an tír a mhionnaigh mé dá n-aithreacha a thabharfainn dóibh.’

Aithrí - Ceachtanna - Geallúintí

[12]“Anois, a Iosrael, cad a éilíonn an Tiarna do Dhia ort ach eagla an Tiarna do Dhia a bheith ort agus siúl ina bhealaí go léir, agus grá a thabhairt dó agus seirbhís a thabhairt don Tiarna do Dhia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán,

[13]agus aitheanta agus dlíthe an Tiarna, a ordaím duit inniu ar mhaithe leat, a choimeád.

[14]Is leis an Tiarna do Dhia na flaithis agus flaithis na bhflaitheas, an domhan agus gach a bhfuil ann.

[15] Tão-somente o SENHOR se afeiçoou a teus pais para os amar; a vós outros, descendentes deles, escolheu de todos os povos, como hoje se vê.

[16] Circuncidai, pois, o vosso coração e não mais endureçais a vossa cerviz.

[17] Pois o SENHOR, vosso Deus, é o Deus dos deuses e o SENHOR dos senhores, o Deus grande, poderoso e temível, que não faz acepção de pessoas, nem aceita suborno;

[18] que faz justiça ao órfão e à viúva e ama o estrangeiro, dando-lhe pão e vestes.

[19] Amai, pois, o estrangeiro, porque fostes estrangeiros na terra do Egito.

[20] Ao SENHOR, teu Deus, temerás; a ele servirás, a ele te chegarás e, pelo seu nome, jurarás.

[21] Ele é o teu louvor e o teu Deus, que te fez estas grandes e temíveis coisas que os teus olhos têm visto.

[22] Com setenta almas, teus pais desceram ao Egito; e, agora, o SENHOR, teu Deus, te pôs como as estrelas dos céus em multidão.

Deuteronômio 11

[1] Amarás, pois, o SENHOR, teu Deus, e todos os dias guardarás os seus preceitos,

[15]Is iad d'aithreacha, áfach, a ghlac an Tiarna i gcochall a chroí le barr grá; agus ina ndiaidh, thogh sé a sliocht, sibhse féin thar na ciníocha go léir mar a dhéanann inniu féin.

[16]Déanaigí dá bhrí sin bhur gcroí a thimpeallghearradh, agus na bígí ceanndána a thuilleadh.

[17]Óir is é an Tiarna bhur nDia Dia na ndéithe, agus Tiarna na dtiarnaí, an Neach mór, caithréimeach, uafar, thar gach leathchuma agus thar gach breab.

[18]Eisean a chuireann an chóir i bhfeidhm don dílleachta agus don bhaintreach; a thugann grá don deoraí agus a bhronnann air bia agus éadach.

[19]Tugaigí grá don deoraí dá bhrí sin, mar ba dheoraithe sibh féin i dtír na hÉigipte.

[20]Bíodh eagla an Tiarna do Dhia ort; déan seirbhís dó agus cloígh leis, agus is dar a ainm a thabharfaidh tú mionn.

[21]Eisean amháin atá le moladh agat; eisean do Dhia; ar do shonsa a rinne sé na nithe móra uafásacha seo a chonaic tú le do shúile cinn.

[22]Fág nach raibh ach deichniúr agus trí fichid díobh ann nuair a ghabh d'aithreacha ó dheas isteach san Éigipt, rinne an Tiarna do Dhia chomh líonmhar le réaltaí neimhe thú.

Deotranaimí 11

[1]“Bíodh grá agat dá bhrí sin don Tiarna do Dhia; coimeád a threoracha, a dhlíthe, a reachtanna agus a aitheanta i gcónaí.

os seus estatutos, os seus juízos e os seus mandamentos.

2 Considerai hoje (não falo com os vossos filhos que não conheceram, nem viram a disciplina do SENHOR, vosso Deus), considerai a grandeza do SENHOR, a sua poderosa mão e o seu braço estendido;

3 e também os seus sinais, as suas obras, que fez no meio do Egito a Faraó, rei do Egito, e a toda a sua terra;

4 e o que fez ao exército do Egito, aos seus cavalos e aos seus carros, fazendo passar sobre eles as águas do mar Vermelho, quando vos perseguiam, e como o SENHOR os destruiu até ao dia de hoje;

5 e o que fez no deserto, até que chegastes a este lugar;

6 e ainda o que fez a Datã e a Abirão, filhos de Eliabe, filho de Rúben; como a terra abriu a boca e os tragou e bem assim a sua família, suas tendas e tudo o que os seguia, no meio de todo o Israel;

7 porquanto os vossos olhos são os que viram todas as grandes obras que fez o SENHOR.

Os benefícios da obediência

8 Guardai, pois, todos os mandamentos que hoje vos ordeno, para que sejais fortes, e entreis, e possuais a terra para onde vos dirigis;

2Bíodh a fhios agat inniu féin, gur tusa, agus nach iad bhur gclann, a fuair an teagasc; ní eol dóibh ná ní fhaca siad ceachtanna an Tiarna bhur nDia, a mhórgacht, ná neart a láimhe, ná a ghéag ar tinneall;

3na comharthaí agus na hiontais a rinne sé san Éigipt féin in aghaidh Fhorainn agus a chríoch go léir;

4a ndearna sé le sluaite na hÉigipte, lena n-eacha, agus lena gcarbaid; conas mar a scaoil sé tuilte Mhuir na nGiolcach anuas orthu nuair a bhí siad sa tóir oraibh, agus mar a scrios sé iad gan a rian a fhágáil go dtí an lá seo féin;

5gach a ndearna sé daoibh san fhásach sular shroich sibh an áit seo;

[14]“Nuair a théann tú isteach sa tír atá an Tiarna do Dhia a thabhairt duit, agus go ngabhann tú seilbh air agus cónaí ann, agus ansin go ndeir tú, ‘Ní mór dom rí a cheapadh os mo chionn dála na gciníocha i mo thimpeall, ’

[15]ní foláir duit rogha an Tiarna do Dhia de rí a cheapadh os do chionn; ní foláir duine ar do bhráithre a cheapadh os do chionn mar rí; eachtrannach nach bráthair leat ní ceadmhach duit a cheapadh os do chionn.

[16]Ná cruinníodh sé a lán each dó féin áfach, agus ná cuireadh sé iallach ar an

para multiplicar cavalos; pois o SENHOR vos disse: Nunca mais voltareis por este caminho.

bpobal filleadh ar an Éigipt d'fhonn méadú ar líon a eachra; óir dúirt an Tiarna libh: ‘Ná filligí ar ais ar an mbealach sin go brách arís.’

17 Tampouco para si multiplicará mulheres, para que o seu coração se não desvie; nem multiplicará muito para si prata ou ouro.

17Ná cruinníodh sé a lán ban dó féin, óir chuirfeadh sin a chroí amú; agus ná cruinníodh sé an iomad óir agus airgid dó féin.

18 Também, quando se assentar no trono do seu reino, escreverá para si um traslado desta lei num livro, do que está diante dos levitas sacerdotes.

18Nuair a bheidh sé ina shuí sa chathaoir ríoga, déanadh sé cóip den dlí seo - as leabhar faoi chúram na sagart Léivíteach - a scríobh dó féin i leabhar;

19 E o terá consigo e nele lerá todos os dias da sua vida, para que aprenda a temer o SENHOR, seu Deus, a fim de guardar todas as palavras desta lei e estes estatutos, para os cumprir.

19bíodh sé láimh leis i gcónaí, agus léadh sé é gach lá dá shaol, d'fhonn go bhfoghlaimeodh sé eagla an Tiarna a Dhia ag coimeád briathra uile an dlí seo agus na reachtanna seo agus á gcomhlíonadh.

20 Isto fará para que o seu coração não se eleve sobre os seus irmãos e não se aparte do mandamento, nem para a direita nem para a esquerda; de sorte que prolongue os dias no seu reino, ele e seus filhos no meio de Israel.

20Ar an gcaoi sin ní bheidh éirí in airde air i leith a bhráithre agus ní chlaonfaidh sé ar dheis ná ar chlé ón aithne, i dtreo go mbeidh fad saoil ina fhlaitheas in Iosrael aige, é féin agus a chlann.

Deuteronômio 18

A herança e os direitos dos sacerdotes e dos levitas

1 Os sacerdotes levitas e toda a tribo de Levi não terão parte nem herança em Israel; das ofertas queimadas ao SENHOR e daquilo que lhes é devido comerão.

2 Pelo que não terão herança no meio de seus irmãos; o SENHOR é a sua herança, como lhes tem dito.

Deotranaimí 18

An tSagartacht Léivíteach

1“Ní bheidh aon chuid ná oidhreacht le hIosrael ag na sagairt Léivíteacha, treibh Léiví, is é sin. Mairfidh siad ar na hofrálacha bia don Tiarna agus ar na nithe is dual dó.

2Ní bheidh aon oidhreacht acu lena mbráithre; is é an Tiarna a n-oidhreacht, faoi mar a gheall sé dóibh.

[3] Será este, pois, o direito devido aos sacerdotes, da parte do povo, dos que oferecerem sacrifício, seja gado ou rebanho: que darão ao sacerdote a espádua, e as queixadas, e o bucho.

[3]An méid seo leanas is dual do na sagairt ón muintir a ofrálann damh nó caora mar íobairt: an ghualainn, an dá phluc, agus an goile;

[4] Dar-lhe-ás as primícias do teu cereal, do teu vinho e do teu azeite e as primícias da tosquia das tuas ovelhas.

[4]ní foláir duit mar an gcéanna céadtorthaí d'arbhair, do fhíona agus d'ola, agus céadlomra do chaorach a thabhairt dó.

[5] Porque o SENHOR, teu Deus, o escolheu de entre todas as tuas tribos para ministrar em o nome do SENHOR, ele e seus filhos, todos os dias.

[5]Óir thogh an Tiarna do Dhia é as do threibheanna go léir le seasamh i láthair an Tiarna do Dhia, chun cúraimí na seirbhíse diaga a dhéanamh, chun ainm an Tiarna a bheannú - sea eisean agus a chlann mhac ina dhiaidh go brách.

[6] Quando vier um levita de alguma das tuas cidades de todo o Israel, onde ele habita, e vier com todo o desejo da sua alma ao lugar que o SENHOR escolheu,

[6]“Má thagann Léivíteach as aon cheann de do bhailte in Iosrael go léir mar a bhfuil cónaí air - agus ní cás dó teacht nuair is maith leis - chun na háite a thoghfaidh an Tiarna,

[7] e ministrar em o nome do SENHOR, seu Deus, como também todos os seus irmãos, os levitas, que assistem ali perante o SENHOR,

[7]ní miste dó freastal ansiúd in ainm an Tiarna a Dhia, dála a chomh-Léivíteach a bhíonn ina seasamh ansiúd ag freastal i láthair an Tiarna.

[8] porção igual à deles terá para comer, além das vendas do seu patrimônio.

[8]Bíodh cuid chothrom leo aige le hithe, seachas a bhfaigheann sé de bharr a oidhreachta a dhíol.

Contra os adivinhos e os feiticeiros

Fáithe

[9] Quando entrares na terra que o SENHOR, teu Deus, te der, não aprenderás a fazer conforme as abominações daqueles povos.

[9]“Nuair a thiocfaidh tú isteach sa tír atá an Tiarna do Dhia a thabhairt duit, ná téigh i dtaithí chleachtaí uafara na gciníocha úd.

[10] Não se achará entre ti quem faça passar pelo fogo o seu filho ou a sua filha, nem adivinhador, nem prognosticador, nem agoureiro, nem feiticeiro;

[10]Ná faightear choíche in bhur measc aon duine a sheolann a mhac nó a iníon tríd an tine, ná aon duine a chleachtann fáistine, ná astralaí, ná ágar, ná draíodóir,

[11] nem encantador, nem necromante, nem mágico, nem quem consulte os mortos;

[11]ná orthaíoch, ná fear spioraid nó púcaí nó mairbh a agallamh.

[12] pois todo aquele que faz tal coisa é abominação ao SENHOR; e por estas abominações o SENHOR, teu Deus, os lança de diante de ti.

[12]Cibé a dhéanann na nithe sin, is gráin leis an Tiarna é, agus is de bharr na nósanna gráiniúla seo atá an Tiarna do Dhia ag tiomáint na gciníocha seo amach romhat.

[13] Perfeito serás para com o SENHOR, teu Deus.

[13]Bíse dílis ar fad don Tiarna do Dhia.

[14] Porque estas nações que hás de possuir ouvem os prognosticadores e os adivinhadores; porém a ti o SENHOR, teu Deus, não permitiu tal coisa.

[14]Óir na ciníocha seo a bhfuil tú ar tí seilbh a fháil ar a gcríocha, tugann siad aird ar asarlaígh agus lucht fáistineoireachta; ach maidir leatsa, níor cheadaigh an Tiarna do Dhia duitse a leithéid sin a dhéanamh.

A promessa do grande profeta

[15] O SENHOR, teu Deus, te suscitará um profeta do meio de ti, de teus irmãos, semelhante a mim; a ele ouvirás,

[15]Ardóidh an Tiarna do Dhia suas fáidh mar mise duit ó do lár, ó do bhráithre; tugaigí aird airsean.

[16] segundo tudo o que pediste ao SENHOR, teu Deus, em Horebe, quando reunido o povo: Não ouvirei mais a voz do SENHOR, meu Deus, nem mais verei este grande fogo, para que não morra.

[16]Sin é a d'iarr tú féin ar an Tiarna do Dhia ag Horaeb, lá an Tionóil.'Ná lig dom guth an Tiarna mo Dhia a chlos arís, ' arsa tú, 'ná an tine mhór seo a fheiceáil a thuilleadh, le heagla go bhfaighinn bás.'

[17] Então, o SENHOR me disse: Falaram bem aquilo que disseram.

[17]Dúirt an Tiarna liom: 'Is maith mar a dúradar a bhfuil ráite acu.

[18] Suscitar-lhes-ei um profeta do meio de seus irmãos, semelhante a ti, em cuja boca porei as minhas palavras, e ele lhes falará tudo o que eu lhe ordenar.

[18]Ardóidh mé suas fáidh mar thusa dóibh, ó lár a mbráithre; cuirfidh mé mo bhriathra ina bhéal agus inseoidh sé dóibh gach a n-ordaím dó.

[19] De todo aquele que não ouvir as minhas palavras, que ele falar em meu nome, disso lhe pedirei contas.

[19]An té nach dtabharfaidh aird ar na briathra a labhróidh sé i m'ainm, éileoidh mé díoltas air.

[20] Porém o profeta que presumir de falar alguma palavra em meu nome, que eu lhe não mandei falar, ou o que falar em nome de outros deuses, esse profeta será morto.

[20]Ach an fáidh a leomhfaidh focal a labhairt i m'ainmse nár ordaigh mé dhó a labhairt, nó a labhróidh in ainm dé eile, gheobhaidh an fáidh sin bás.'

[21] Se disseres no teu coração: Como conhecerei a palavra que o SENHOR não falou?

[22] Sabe que, quando esse profeta falar em nome do SENHOR, e a palavra dele se não cumprir, nem suceder, como profetizou, esta é palavra que o SENHOR não disse; com soberba, a falou o tal profeta; não tenhas temor dele.

[21]Agus má deir tú i do chroí: 'Conas a aithneoimid an briathar nár labhair an Tiarna? ' -

[22]nuair a labhraíonn fáidh in ainm an Tiarna, mura dtagann an rud i gcrích ná chun cinn, ansin ní briathar é a labhair an Tiarna; labhair an fáidh é sin le barr dánaíochta, ní gá duit eagla a bheith ort roimhe.

Deuteronômio 19

Seis cidades de refúgio

Números 35.9-15; Deuteronômio 4.41-43

[1] Quando o SENHOR, teu Deus, eliminar as nações cuja terra te dará o SENHOR, teu Deus, e as desapossares e morares nas suas cidades e nas suas casas,

[2] três cidades separarás no meio da tua terra que te dará o SENHOR, teu Deus, para a possuíres.

[3] Preparar-te-ás o caminho e os limites da tua terra que te fará possuir o SENHOR, teu Deus, dividirás em três; e isto será para que nelas se acolha todo homicida.

[4] Este é o caso tocante ao homicida que nelas se acolher, para que viva: aquele que, sem o querer, ferir o seu próximo, a quem não aborrecia dantes.

Privilégios oferecidos pelas cidades de refúgio

Números 35.22-28

[5] Assim, aquele que entrar com o seu próximo no bosque, para cortar lenha, e, manejando com impulso o machado para cortar a árvore, o ferro saltar do cabo e atingir o seu próximo, e este morrer, o tal

Deotranaimí 19

Dlí an Díoltais

Marú

[1]"Nuair a dhíothóidh an Tiarna do Dhia na ciníocha a dtugann an Tiarna do Dhia a bhfearann duit, agus go gcuirfidh tú as seilbh iad, agus dul chun cónaí ina gcathracha agus ina dtithe,

[2]cuir trí chathair ar leith duit féin sa tír a thugann an Tiarna do Dhia duit le sealbhú.

[3]Bíodh na bealaí chucu i ndea-ghléas agat agus roinn ina thrí coda achar na gcríoch a thugann an Tiarna do Dhia i do sheilbh duit sa chaoi a bhféadfaidh marfóir ar bith teitheadh chucu.

[4]Seo mar is féidir do dhuine a anam a bhreith leis ach teitheadh iontu: Má mharaíonn duine a chomharsa trí thaisme, agus gan é in earraid leis roimhe sin -

[5]téann duine, abair, isteach sa choill lena chomharsa ag gearradh adhmaid; tugann sé faoi chrann leis an tua ina láimh; sleamhnaíonn an ceann den tsáfach agus buaileann sé a chomharsa agus maraíonn

se acolherá em uma destas cidades e viverá;

[6] para que o vingador do sangue não persiga o homicida, quando se lhe enfurecer o coração, e o alcance, por ser comprido o caminho, e lhe tire a vida, porque não é culpado de morte, pois não o aborrecia dantes.

[7] Portanto, te ordeno: três cidades separarás.

[8] Se o SENHOR, teu Deus, dilatar os teus limites, como jurou a teus pais, e te der toda a terra que lhes prometeu,

[9] desde que guardes todos estes mandamentos que hoje te ordeno, para cumpri-los, amando o SENHOR, teu Deus, e andando nos seus caminhos todos os dias, então, acrescentarás outras três cidades além destas três,

[10] para que o sangue inocente se não derrame no meio da tua terra que o SENHOR, teu Deus, te dá por herança, pois haveria sangue sobre ti.

Execução do homicida

Números 35.16-21

[11] Mas, havendo alguém que aborrece a seu próximo, e lhe arma ciladas, e se levanta contra ele, e o fere de golpe mortal, e se acolhe em uma dessas cidades,

sé é - is féidir dó teitheadh go dtí ceann de na cathracha sin agus teacht slán.

[6]Ní ceadmhach d'fhear an éiric fola dul sa tóir ar an marfóir le barr feirge, agus teacht suas leis toisc fad an bhóthair agus goin mharfach a chur ann; óir níor thuill an duine sin bás ós rud é nach raibh sé in earraid lena chomharsa roimhe sin.

[7]Seo é m'ordú duit dá bhrí sin: Cuir trí chathair ar leithrigh,

[8]agus má chuireann an Tiarna do Dhia breis le do chríocha, faoi mar a mhionnaigh sé do d'aithreacha, agus go dtugann sé duit an tír go léir a gheall sé a thabhairt do d'aithreacha -

[9]ar choinníoll go gcoimeádfaidh tú na haitheanta go léir a ordaím duit inniu le barr cáiréise, ag tabhairt grá don Tiarna do Dhia, agus ag leanúint de shíor ar a bhealaí - ansin cuir trí chathair eile leis na trí cinn sin.

[10]Ar an gcaoi sin ní dhoirtfear fuil an neamhchiontaigh sa tír atá an Tiarna do Dhia a thabhairt duit mar oidhreacht; d'fhágfadh a mhalairt ciontach i ndoirteadh fola thú.

[11]“Ach má bhíonn duine i bhfíoch lena chomharsa agus go dtéann in eadarnaí faoina chionn agus go n-ionsaíonn é agus go ngoineann go marfach agus go bhfaigheann seisean bás, agus ansin go dteithfeadh sé féin i gceann de na bailte sin,

[12] os anciãos da sua cidade enviarão a tirá-lo dali e a entregá-lo na mão do vingador do sangue, para que morra.

[13] Não o olharás com piedade; antes, exterminarás de Israel a culpa do sangue inocente, para que te vá bem.

Acerca dos limites e das testemunhas

[14] Não mudes os marcos do teu próximo, que os antigos fixaram na tua herança, na terra que o SENHOR, teu Deus, te dá para a possuíres.

[15] Uma só testemunha não se levantará contra alguém por qualquer iniqüidade ou por qualquer pecado, seja qual for que cometer; pelo depoimento de duas ou três testemunhas, se estabelecerá o fato.

[16] Quando se levantar testemunha falsa contra alguém, para o acusar de algum transvio,

[17] então, os dois homens que tiverem a demanda se apresentarão perante o SENHOR, diante dos sacerdotes e dos juízes que houver naqueles dias.

[18] Os juízes indagarão bem; se a testemunha for falsa e tiver testemunhado falsamente contra seu irmão,

[19] far-lhe-eis como cuidou fazer a seu irmão; e, assim, exterminarás o mal do meio de ti;

[12]cuireadh seanóirí a chathrach féin fios ar an té sin agus beiridís leo é, agus tugaidís ar láimh fhear éiric na fola é le cur chun báis.

[13]Ná bíodh trua ná taise agat dó; déan peaca doirteadh fola an neamhchiontaigh a dhíbirt as Iosrael agus ansin beidh an rath ort.

[14]“Ná cur isteach ar mharc teorann do chomharsan a shocraigh an mhuintir fadó, san oidhreacht a ghlacfaidh tú sa tír atá an Tiarna do Dhia a thabhairt i do sheilbh.

Finnéithe

[15]“Ní leor aon fhinné amháin chun duine a dhaoradh i bpeaca nó i gcoir d'aon sórt a rinne sé; cibé coir a bhíonn i gceist is gá fianaise bheirt fhinné nó triúr chun aon chúis a dhearbhú.

[16]Má thagann finné bréige i láthair le fianaise in aghaidh duine ag cur ceannairce ina leith,

[17]ansin, an dá thaobh san aighneas seo i láthair an Tiarna, téidís faoi bhráid na sagart agus na mbreithiúna a bhíonn in oifig ag an am.

[18]Déanadh na breithiúna fiosrú go mion, agus más amhlaidh gur finné bréige an finné agus gur thug sé fianaise bhréige in aghaidh a bhráthar,

[19]ní foláir duit an íde a b'áil leis a thabhairt ar a bhráthair a thabhairt air féin. Díbir an choir seo ó bhur measc.

[20] para que os que ficarem o ouçam, e temam, e nunca mais tornem a fazer semelhante mal no meio de ti.

[21] Não o olharás com piedade: vida por vida, olho por olho, dente por dente, mão por mão, pé por pé.

[20]Cluinfidh daoine eile ina thaobh seo agus beidh eagla orthu agus ní dhéanfaidh siad peaca den sórt sin go brách arís in bhur measc.

[21]Ná bíodh trua ná taise agat, ach bíodh anam ar anam, súil ar shúil, fiacail ar fhiacail, lámh ar láimh, cos ar chois.

Deuteronômio 20

Acerca da guerra

[1] Quando saíres à peleja contra os teus inimigos e vires cavalos, e carros, e povo maior em número do que tu, não os temerás; pois o SENHOR, teu Deus, que te fez sair da terra do Egito, está contigo.

[2] Quando vos achegardes à peleja, o sacerdote se adiantará, e falará ao povo,

[3] e dir-lhe-á: Ouvi, ó Israel, hoje, vos achegais à peleja contra os vossos inimigos; que não desfaleça o vosso coração; não tenhais medo, não tremais, nem vos aterrorizeis diante deles,

[4] pois o SENHOR, vosso Deus, é quem vai convosco a pelejar por vós contra os vossos inimigos, para vos salvar.

[5] Os oficiais falarão ao povo, dizendo: Qual o homem que edificou casa nova e ainda não a consagrou? Vá, torne-se para casa, para que não morra na peleja, e outrem a consagre.

[6] Qual o homem que plantou uma vinha e ainda não a desfrutou? Vá, torne-se para

Deotranaimí 20

Cogadh

[1]“Nuair a rachaidh tú chun cogaidh in aghaidh do naimhde agus go bhfeicfidh tú capaill agus carbaid agus arm is mó ná d'arm féin, ná bíodh eagla ort rompu; óir tá an Tiarna do Dhia i do theannta, an té a thug amach thú as tír na hÉigipte.

[2]Nuair a thagann sibh i gcóngar an láthair chatha, tagadh an sagart os bhur gcomhair agus labhraíodh sé leis an bpobal,

[3]agus abradh sé leo: ‘Tugaigí cluas dom a Iosrael! Óir tá sibh ar tí cath a chur ar bhur naimhde inniu; bíodh misneach agaibh; ná bíodh scéin ná sceimhle ná scanradh oraibh ag tabhairt fúthu.

[4]Óir tá an Tiarna bhur nDia ag dul libh chun troda ar bhur son in aghaidh bhur naimhde, agus chun an bua a bhreith daoibh.’

[5]“Ansin labhraíodh na scríobhaithe leis an bpobal mar leanas: ‘An bhfuil aon duine anseo a bhfuil teach nua tógtha aige ach gan é tíolactha fós? Abhaile leis ar eagla go bhfaigheadh sé bás sa chath agus gur fear eile a dhéanfadh é a thíolacadh.

[6]An bhfuil aon duine anseo a bhfuil fíonghort plandáilte aige, ach gan sásamh

casa, para que não morra na peleja, e outrem a desfrute.

bainte fós aige as a thoradh? Abhaile leis ar eagla go bhfaigheadh sé bás sa chath agus gur fear eile a bhainfeadh sásamh as a thoradh.

[7] Qual o homem que está desposado com alguma mulher e ainda não a recebeu? Vá, torne-se para casa, para que não morra na peleja, e outro homem a receba.

[7]An bhfuil aon duine anseo geallta le bean ach gan í tugtha leis aige? Abhaile leis ar eagla go bhfaigheadh sé bás sa chath agus gur fear eile a bhéarfadh leis í.'

[8] E continuarão os oficiais a falar ao povo, dizendo: Qual o homem medroso e de coração tímido? Vá, torne-se para casa, para que o coração de seus irmãos se não derreta como o seu coração.

[8]Leanadh na scríobhaithe orthu ag caint leis an bpobal agus abraidís: 'An bhfuil easpa misnigh nó beaguchtach ar aon duine anseo? Abhaile leis agus ná cuireadh sé droch-mhisneach ar a chompánaigh chomh maith.'

[9] Quando os oficiais tiverem falado ao povo, designarão os capitães dos exércitos para a dianteira do povo.

[9]Nuair a bhíonn deireadh ráite ag na scríobhaithe leis na daoine, ansin ceaptar ceannfoirt i gceannas ar an bpobal.

Cathracha Gafa

[10] Quando te aproximares de alguma cidade para pelejar contra ela, oferecer-lhe-ás a paz.

[10]"Nuair a dhruidfidh tú i gcóngar cathrach chun í a ionsaí, déan coinníollacha a thairiscint di.

[11] Se a sua resposta é de paz, e te abrir as portas, todo o povo que nela se achar será sujeito a trabalhos forçados e te servirá.

[11]Má ghlacann sí le síocháin agus a geataí a oscailt romhat, ansin cuirtear iallach ar an muintir go léir inti saothar a dhéanamh duit agus fónamh duit.

[12] Porém, se ela não fizer paz contigo, mas te fizer guerra, então, a sitiarás.

[12]Ach más amhlaidh, in áit síochána, go ndéanann sí cath a chur ort, ní foláir duit í a chur faoi léigear.

[13] E o SENHOR, teu Deus, a dará na tua mão; e todos os do sexo masculino que houver nela passarás a fio de espada;

[13]Nuair a thugann an Tiarna do Dhia ar do láimh duit í, ansin cuir gach fireannach inti chun báis le faobhar claímh.

[14] mas as mulheres, e as crianças, e os animais, e tudo o que houver na cidade, todo o seu despojo, tomarás para ti; e desfrutarás o despojo dos inimigos que o SENHOR, teu Deus, te deu.

[14]Ach na mná, na leanaí, an stoc, a bhfuil de mhaoin sa chathair, agus a héadáil go léir, beir leat mar chreach iad; bain sásamh as éadáil do naimhde a thug an Tiarna do Dhia duit.

[15] Assim farás a todas as cidades que estiverem mui longe de ti, que não forem das cidades destes povos.

[16] Porém, das cidades destas nações que o SENHOR, teu Deus, te dá em herança, não deixarás com vida tudo o que tem fôlego.

[17] Antes, como te ordenou o SENHOR, teu Deus, destruí-las-ás totalmente: os heteus, os amorreus, os cananeus, os ferezeus, os heveus e os jebuseus,

[18] para que não vos ensinem a fazer segundo todas as suas abominações, que fizeram a seus deuses, pois pecaríeis contra o SENHOR, vosso Deus.

[19] Quando sitiares uma cidade por muito tempo, pelejando contra ela para a tomar, não destruirás o seu arvoredo, metendo nele o machado, porque dele comerás; pelo que não o cortarás, pois será a árvore do campo algum homem, para que fosse sitiada por ti?

[20] Mas as árvores cujos frutos souberes não se comem, destruí-las-ás, cortando-as; e, contra a cidade que guerrear contra ti, edificarás baluartes, até que seja derribada.

Deuteronômio 21

Expiação por morte cujo autor é desconhecido

[1] Quando na terra que te der o SENHOR, teu Deus, para possuí-la se achar alguém morto, caído no campo, sem que se saiba quem o matou,

[15]Sin í an íde a thabharfaidh tú ar na cathracha atá i bhfad uait, agus nach mbaineann leis na ciníocha is comharsana duit.

[16]Maidir le cathracha na gciníocha úd atá an Tiarna do Dhia a thabhairt duit mar oidhreacht, ná déan anacal anama ar aon ní beo,

[17]ach cuir faoi bhang iad na Hitigh, na hAmóraigh, na Canánaigh, na Pirizigh, na Hivigh, agus na Iabúsaigh, mar a d'ordaigh an Tiarna do Dhia,

[18]d'fhonn nach múinfidís daoibh na nósanna gráiniúla atá acu á gcleachtadh i seirbhís a ndéithe a leanúint agus peaca a dhéanamh mar sin in aghaidh an Tiarna bhur nDia.

[19]“Nuair a bhíonn cathair faoi léigear agat ar feadh i bhfad, agus tú á hionsaí, d'fhonn í a ghabháil, ná loit a cuid crann ag imirt faobhar tua orthu; caith a dtoradh, ach ná leag iad. An daoine daonna na crainn sa mhachaire a rá is go gcuirfeá léigear orthusan leis?

[20]Na crainn is eol duit nach crainn toraidh iad, ní cás duit iad a ghearradh agus a leagan d'fhonn sásanna léigir a dhéanamh in aghaidh na cathrach a bhíonn i gcogadh leat go dtí go dtiteann sí.

Deotranaimí 21

An Dúnmharfóir Anaithnid

[1]“Sa tír a thugann an Tiarna do Dhia duit le sealbhú, má fhaightear duine a básaíodh ina luí amuigh ar an mbán, agus nach eol cé mharaigh é,

[2] sairão os teus anciãos e os teus juízes e medirão a distância até às cidades que estiverem em redor do morto.

[3] Os anciãos da cidade mais próxima do morto tomarão uma novilha da manada, que não tenha trabalhado, nem puxado com o jugo,

[4] e a trarão a um vale de águas correntes, que não foi lavrado, nem semeado; e ali, naquele vale, desnucarão a novilha.

[5] Chegar-se-ão os sacerdotes, filhos de Levi, porque o SENHOR, teu Deus, os escolheu para o servirem, para abençoarem em nome do SENHOR e, por sua palavra, decidirem toda demanda e todo caso de violência.

[6] Todos os anciãos desta cidade, mais próximos do morto, lavarão as mãos sobre a novilha desnucada no vale

[7] e dirão: As nossas mãos não derramaram este sangue, e os nossos olhos o não viram derramar-se.

[8] Sê propício ao teu povo de Israel, que tu, ó SENHOR, resgataste, e não ponhas a culpa do sangue inocente no meio do teu povo de Israel. E a culpa daquele sangue lhe será perdoada.

[9] Assim, eliminarás a culpa do sangue inocente do meio de ti, pois farás o que é reto aos olhos do SENHOR.

Acerca da mulher prisioneira

[2]tagadh bhur seanóirí agus bhur mbreithiúna agus déanaidís an fad slí idir corpán an duine bhásaithe agus na cathracha máguaird a thomhas.

[3]Ansin faigheadh seanóirí na cathrach is gaire don mharbh bodóg nár cuireadh chun oibre agus nár tharraing an chuing riamh fós.

[4]Beireadh seanóirí na cathrach an bhodóg leo chun bruacha srutháin nach dtéann i ndísc, i mball nár treabhadh agus nár síolchuireadh riamh, agus ansiúd sa ghleann brisidís muineál na bodóige.

[5]Agus tagadh clann mhac Léiví, na sagairt, i láthair mar thogh an Tiarna do Dhia iad le fónamh dó agus le beannú in ainm an Tiarna, agus is é a ngnó gach cás aighnis agus foiréigin a réiteach le breith a mbéil.

[6]Ansin níodh seanóirí uile an bhaile is gaire don mharbhán a lámha sa sruthán os cionn na bodóige ar briseadh a muineál.

[7]Agus abraidís na focail seo: 'Níor dhoirt ár lámha an fhuil seo agus ní fhaca ár súile aon ní.

[8]Leath brat do mhaithiúnais ar do phobal Iosrael a d'fhuascail tú a Thiarna, agus ná doirtear aon fhuil neamhchiontach i measc do phobail Iosrael.' Ar an tslí sin beidh brat cosanta orthu ón bhfíoch fola.

[9]Ní foláir duit gach doirteadh fola neamhchiontaí a dhíbirt ó do lár más áil leat an ceart a dhéanamh i súile an Tiarna.

An Pósadh
Cimí Ban - Ceart Clainne

[10] Quando saíres à peleja contra os teus inimigos, e o SENHOR, teu Deus, os entregar nas tuas mãos, e tu deles levares cativos,

[11] e vires entre eles uma mulher formosa, e te afeiçoares a ela, e a quiseres tomar por mulher,

[12] então, a levarás para casa, e ela rapará a cabeça, e cortará as unhas,

[13] e despirá o vestido do seu cativeiro, e ficará na tua casa, e chorará a seu pai e a sua mãe durante um mês. Depois disto, a tomarás; tu serás seu marido, e ela, tua mulher.

[14] E, se não te agradares dela, deixá-la-ás ir à sua própria vontade; porém, de nenhuma sorte, a venderás por dinheiro, nem a tratarás mal, pois a tens humilhado.

O direito do primogênito

[15] Se um homem tiver duas mulheres, uma a quem ama e outra a quem aborrece, e uma e outra lhe derem filhos, e o primogênito for da aborrecida,

[16] no dia em que fizer herdar a seus filhos aquilo que possuir, não poderá dar a primogenitura ao filho da amada, preferindo-o ao filho da aborrecida, que é o primogênito.

[10]“Nuair a théann tú amach chun cogaidh in aghaidh do namhad, agus go ndéanann do Dhia iad a thabhairt ar láimh duit agus go ngabhann tú iad mar chimí,

[11]agus go bhfeiceann tú bean sciamhach ar na cimí agus go mbíonn dúil agat inti, ní miste duit í a ghabháil chugat mar bhean

[12]agus í a bhreith leat abhaile. Bearradh sí a ceann agus scumhadh sí a hingne

[13]agus baineadh sí di a héide cime; fanadh sí laistigh de do theach ar feadh míosa agus caoineadh sí a hathair agus a máthair ar feadh míosa gan staonadh. Ní miste duit ansin dul chuici agus do chuid féin a dhéanamh di agus bíodh sí mar bhean agat.

[14]Má tharlaíonn go n-éiríonn tú tuirseach di, tabhair cead a cinn di, gan airgead a éileamh mar cheannach uirthi; ós rud é gur bhain tú feidhm aisti, níl cead agat brabach a dhéanamh uirthi.

[15]“Má bhíonn beirt bhan ag duine, agus bean acu ina muirnín agus an bhean eile gan a bheith, agus go mbeireann an muirnín agus an bhean nach amhlaidh clann dó, agus gur leis an bhean nach muirnín an chéadghin mhic,

[16]ansin nuair a thagann an lá inar cóir dó a chuid a roinnt mar oidhreacht ar a chlann mhac, ní cóir buntáiste na céadghine a thabhairt do mhac an mhuirnín thar mhac na mná nach muirnín ós é is céadghin ó cheart;

[17] Mas ao filho da aborrecida reconhecerá por primogênito, dando-lhe dobrada porção de tudo quanto possuir, porquanto aquele é o primogênito do seu vigor; o direito da primogenitura é dele.

Acerca dos filhos desobedientes

[18] Se alguém tiver um filho contumaz e rebelde, que não obedece à voz de seu pai e à de sua mãe e, ainda castigado, não lhes dá ouvidos,

[19] seu pai e sua mãe o pegarão, e o levarão aos anciãos da cidade, à sua porta,

[20] e lhes dirão: Este nosso filho é rebelde e contumaz, não dá ouvidos à nossa voz, é dissoluto e beberrão.

[21] Então, todos os homens da sua cidade o apedrejarão até que morra; assim, eliminarás o mal do meio de ti; todo o Israel ouvirá e temerá.

Os cadáveres serão tirados do patíbulo

[22] Se alguém houver pecado, passível da pena de morte, e tiver sido morto, e o pendurares num madeiro,

[23] o seu cadáver não permanecerá no madeiro durante a noite, mas, certamente, o enterrarás no mesmo dia; porquanto o que for pendurado no madeiro é maldito de Deus; assim, não contaminarás a terra que o SENHOR, teu Deus, te dá em herança.

[17]ach admhaíodh sé mar chéadghin mac na mná nach muirnín, agus tugadh sé dúbailt roinne dó dá bhfuil aige, óir is é céadtoradh a chumais é; is leis ceart na céadghine.

An Mac Ceanndána

[18]“Má bhíonn mac ceanndána nó easumhal ag duine, gan aird aige ar ghuth athar ná máthar, agus nach dtógann aon cheann dóibh fiú nuair a chuireann siad pionós air,

[19]ansin ní foláir dá athair agus dá mháthair greim a bhreith air agus é a thabhairt amach go seanóirí na cathrach ag geataí na háite ina mbíonn cónaí air,

[20]agus a rá le seanóirí na cathrach: ‘Tá an mac seo againn ceanndána easumhal, agus ní ghéillfidh sé dár nguth; déanann sé craos agus bíonn ar meisce.’

[21]Ansin déanadh a chomhchathróirí go léir é a chur chun báis de chlocha; déanaigí an t-olc seo a dhíbirt ó bhur lár. Cluinfidh Iosrael uile faoi seo, agus beidh scanradh orthu.

Rialacha ar Leith

[22]“Má dhéanann duine coir mharfach agus go gcuirtear chun báis é agus go gcrochann tú ar chrann é,

[23]ná fanadh a chorp thar oíche ar an gcrann, ach déan é a adhlacadh an lá céanna, óir tá mallacht Dé ar dhuine a chrochtar; agus ná déan an talamh a thugann an Tiarna do Dhia duit mar oidhreacht a thruailliú.

Deuteronômio 22

Acerca do que se perdeu

1 Vendo extraviado o boi ou a ovelha de teu irmão, não te furtarás a eles; restituí-los-ás, sem falta, a teu irmão.

2 Se teu irmão não for teu vizinho ou tu o não conheceres, recolhê-los-ás na tua casa, para que fiquem contigo até que teu irmão os busque, e tu lhos restituas.

3 Assim também farás com o seu jumento e assim farás com as suas vestes; o mesmo farás com toda coisa que se perder de teu irmão, e tu achares; não te poderás furtar a ela.

4 O jumento que é de teu irmão ou o seu boi não verás caído no caminho e a eles te furtarás; sem falta o ajudarás a levantá-lo.

Diversas leis

5 A mulher não usará roupa de homem, nem o homem, veste peculiar à mulher; porque qualquer que faz tais coisas é abominável ao SENHOR, teu Deus.

6 Se de caminho encontrares algum ninho de ave, nalguma árvore ou no chão, com passarinhos, ou ovos, e a mãe sobre os passarinhos ou sobre os ovos, não tomarás a mãe com os filhotes;

7 deixarás ir, livremente, a mãe e os filhotes tomarás para ti, para que te vá bem, e prolongues os teus dias.

8 Quando edificares uma casa nova, far-lhe-ás, no terraço, um parapeito, para que

Deotranaimí 22

1“Má fheiceann tú damh nó caora le do dheartháir ag dul ar seachrán, ná bí seachantach ina dtaobh; ní foláir duit iad a bhreith leat ar ais chun do dhearthár.

2Mura bhfuil sé láimh leat, nó murab aithnid duit é, tabhair leat abhaile é, agus coinnigh é nó go dtagann do dheartháir á lorg; tabhair dó ansin é.

3Déan mar an gcéanna lena asal, agus lena bhrat, agus le haon ní a chailleann do dheartháir agus go bhfaigheann tú é: ná bíodh aon seachaint sa ghnó seo.

4Ná bí á seachaint má fheiceann tú damh nó asal do dhearthár ag titim ar an mbóthar, ach cabhraigh leis á gcur ina seasamh arís.

5Ná cuireadh bean feisteas fir uirthi féin, agus ná cuireadh fear feisteas mná air féin; is gráin leis an Tiarna do Dhia an mhuintir a dhéanann na nithe sin.

6Má tharlaíonn tú i do shiúlta ar nead éin i gcrann nó sa talamh agus gearrcaigh nó uibheacha ann, agus an mháthair ina luí ar na huibheacha nó ar na gearrcaigh, ná tóg an mháthair leis na gearrcaigh;

7ach scaoil leis an máthair. Ní miste duit na gearrcaigh a bhreith leat. Ar an gcaoi sin beidh an rath ort agus fad saoil agat.

8Nuair a thógann tú teach nua, cuir uchtbharr ar an díon agus ansin beidh do

nela não ponhas culpa de sangue, se alguém de algum modo cair dela.

[9] Não semearás a tua vinha com duas espécies de semente, para que não degenere o fruto da semente que semeaste e a messe da vinha.

[10] Não lavrarás com junta de boi e jumento.

[11] Não te vestirás de estofos de lã e linho juntamente.

A lei acerca das borlas

[12] Farás borlas nos quatro cantos do manto com que te cobrires.

Leis da castidade e do casamento

[13] Se um homem casar com uma mulher, e, depois de coabitar com ela, a aborrecer,

[14] e lhe atribuir atos vergonhosos, e contra ela divulgar má fama, dizendo: Casei com esta mulher e me cheguei a ela, porém não a achei virgem,

[15] então, o pai da moça e sua mãe tomarão as provas da virgindade da moça e as levarão aos anciãos da cidade, à porta.

[16] O pai da moça dirá aos anciãos: Dei minha filha por mulher a este homem; porém ele a aborreceu;

[17] e eis que lhe atribuiu atos vergonhosos, dizendo: Não achei virgem a tua filha; todavia, eis aqui as provas da virgindade de minha filha. E estenderão a roupa dela diante dos anciãos da cidade,

[18] os quais tomarão o homem, e o açoitarão,

theach saor ó fhíoch fola de bharr duine a thitim de.

[9]Ná cuir an dara sórt síl i do fhíonghort le nach ndéanfaí coisreacan ar a thoradh go léir - ar an mbarr eile a chuir tú agus ar thoradh do fhíonghoirt.

[10]Ná cuir damh agus asal faoin aon chuing threafa.

[11]Ná caith éadach leathach, éadach fite d'olann agus de líon.

[12]An fhallaing a chuireann tú umat, déan scothóga ar a ceithre cúinní.

An Bhean Nuaphósta

[13]“Má phósann duine bean agus luí léi, agus ansin gur beag air í,

[14]agus go gcuireann sé mí-iompar ina leith agus í a náiriú go poiblí, á rá: ‘Phós mé an bhean seo agus nuair a luigh mé léi ní bhfuair mé comharthaí a maighdeanais.’

[15]Ansin tugadh athair agus máthair na mná óige comharthaí a maighdeanais leo go seanóirí na cathrach ag an ngeata.

[16]Abradh athair na mná óige leis na seanóirí: ‘Thug mé m'iníon don fhear seo le pósadh agus is beag air í.

[17]Tá mí-iompar á chur ina leith aige anois á rá: “Ní bhfuair mé comharthaí a maighdeanais ar d'iníon.” Ach seo iad comharthaí maighdeanais m'iníne.’ Agus leathfaidh siad an t-éadach os comhair sheanóirí na cathrach.

[18]Ansin beireadh seanóirí na cathrach sin greim ar an bhfear úd, gabhaidís de lasca ann,

[19] e o condenarão a cem siclos de prata, e o darão ao pai da moça, porquanto divulgou má fama sobre uma virgem de Israel. Ela ficará sendo sua mulher, e ele não poderá mandá-la embora durante a sua vida.

[19]agus gearraidís fíneáil céad seicil airgid air agus tugaidís iad d'athair na mná óige óir tá drochcháil tugtha aige ar mhaighdean in Iosrael, agus fanadh sí mar bhean aige agus ní bheidh cead aige í a chur uaidh lena shaol.

[20] Porém, se isto for verdade, que se não achou na moça a virgindade,

[20]Ach más fíor é agus má dheimhnítear nach bhfuarthas comharthaí maighdeanais na mná óige,

[21] então, a levarão à porta da casa de seu pai, e os homens de sua cidade a apedrejarão até que morra, pois fez loucura em Israel, prostituindo-se na casa de seu pai; assim, eliminarás o mal do meio de ti.

[21]ansin tugaidís an bhean óg go doras theach a hathar, agus déanadh a comhchathróirí í a chur chun báis de chlocha mar go ndearna sí baois in Iosrael lena striapachas agus í faoi dhíon theach a hathar. Ní foláir daoibh an t-olc seo a dhíbirt ó bhur measc ar an tslí sin.

Adhaltranas agus Striapachas

[22] Se um homem for achado deitado com uma mulher que tem marido, então, ambos morrerão, o homem que se deitou com a mulher e a mulher; assim, eliminarás o mal de Israel.

[22]“Má fhaightear fear ag luí le bean duine eile, cuirtear iad araon chun báis - an fear a luigh leis an mbean, agus an bhean féin. Ní foláir duit an t-olc seo a dhíbirt ó Iosrael an tslí sin.

[23] Se houver moça virgem, desposada, e um homem a achar na cidade e se deitar com ela,

[23]“Má bhíonn maighdean geallta agus go mbuaileann fear léi sa chathair, agus go gcodlaíonn léi,

[24] então, trareis ambos à porta daquela cidade e os apedrejareis até que morram; a moça, porque não gritou na cidade, e o homem, porque humilhou a mulher do seu próximo; assim, eliminarás o mal do meio de ti.

[24]beirigí iad araon libh amach go geata na cathrach sin agus cuirigí chun báis de chlocha iad - an bhean óg mar nár liúigh sí ag lorg cabhrach agus í sa chathair, agus an fear mar gur thruailligh sé bean a chomharsan. Ní foláir duit an t-olc seo a dhíbirt ó bhur measc ar an tslí sin.

[25] Porém, se algum homem no campo achar moça desposada, e a forçar, e se deitar com ela, então, morrerá só o homem que se deitou com ela;

[25]Ach más faoin tuath a bhuaileann fear le bean óg atá geallta agus go ndéanann sé éigean uirthi agus luí léi, ansin ná cuirtear chun báis ach an fear a luigh léi.

[26] à moça não farás nada; ela não tem culpa de morte, porque, como o homem que se levanta contra o seu próximo e lhe tira a vida, assim também é este caso.
[27] Pois a achou no campo; a moça desposada gritou, e não houve quem a livrasse.
[28] Se um homem achar moça virgem, que não está desposada, e a pegar, e se deitar com ela, e forem apanhados,
[29] então, o homem que se deitou com ela dará ao pai da moça cinqüenta siclos de prata; e, uma vez que a humilhou, lhe será por mulher; não poderá mandá-la embora durante a sua vida.

[30] Nenhum homem tomará sua madrasta e não profanará o leito de seu pai.

Deuteronômio 23

Pessoas excluídas das assembleias santas

[1] Aquele a quem forem trilhados os testículos ou cortado o membro viril não entrará na assembléia do SENHOR.
[2] Nenhum bastardo entrará na assembléia do SENHOR; nem ainda a sua décima geração entrará nela.
[3] Nenhum amonita ou moabita entrará na assembléia do SENHOR; nem ainda a sua décima geração entrará na assembléia do SENHOR, eternamente.
[4] Porquanto não foram ao vosso encontro com pão e água, no caminho, quando saíeis do Egito; e porque alugaram contra ti Balaão, filho de Beor, de Petor, da Mesopotâmia, para te amaldiçoar.

[26]Ná déan aon ní leis an mbean óg óir ní dhearna an bhean óg aon choir a thuillfeadh bás, mar is cuma an cás seo nó fear a ionsaí agus a mharú a chomharsan.
[27]Óir tháinig sé uirthi faoin tuath, agus ba fhéidir don bhean óg liú gan aon duine a theacht á fóirithint.
[28]Má bhuaileann fear le maighdean nach bhfuil geallta agus í a éigniú agus luí léi, agus go mbeirtear orthu,
[29]ansin tugadh an fear a luigh léi leathchéad seicil airgid d'athair na mná óige agus bíodh sí mar bhean aige mar gur thruailligh sé í agus ní féidir dó í a chur uaidh lena shaol.
[30]Ná gabhadh fear bean a athar chuige, agus ná baineadh sé beann bhrat a athar anuas di.

Deotranaimí 23

Seirbhís Phoiblí

[1]“An té a coilleadh, nó ar baineadh a bhall fearga de, níl cead isteach aige i dTionól an Tiarna.
[2]Ná téadh bastard i dTionól an Tiarna; ná téadh duine dá shliocht go dtí an deichiú glúin i dTionól an Tiarna.
[3]Ná bíodh cead isteach i dTionól an Tiarna ag Amónach ná ag Móábach; fiú go dtí an deichiú glúin ná bíodh cead isteach go Tionól an Tiarna ag a sliocht go brách.
[4]Óir níor tháinig siad in bhur gcoinne le harán agus le huisce agus sibh ar an tslí amach as an Éigipt, agus d'fhostaigh siad Balám mac Bheór ó Phatór in Arám an Dá Abhainn chun mallacht a chur ort.

[5] Porém o SENHOR, teu Deus, não quis ouvir a Balaão; antes, trocou em bênção a maldição, porquanto o SENHOR, teu Deus, te amava.

[6] Não lhes procurarás nem paz nem bem em todos os teus dias, para sempre.

[7] Não aborrecerás o edomita, pois é teu irmão; nem aborrecerás o egípcio, pois estrangeiro foste na sua terra.

[8] Os filhos que lhes nascerem na terceira geração, cada um deles entrará na assembléia do SENHOR.

Limpeza do acampamento

[9] Quando sair o exército contra os teus inimigos, então, te guardarás de toda coisa má.

[10] Se houver entre vós alguém que, por motivo de polução noturna, não esteja limpo, sairá do acampamento; não permanecerá nele.

[11] Porém, em declinando a tarde, lavar-se-á em água; e, posto o sol, entrará para o meio do acampamento.

[12] Também haverá um lugar fora do acampamento, para onde irás.

[13] Dentre as tuas armas terás um porrete; e, quando te abaixares fora, cavarás com ele e, volvendo-te, cobrirás o que defecaste.

[14] Porquanto o SENHOR, teu Deus, anda no meio do teu acampamento para te livrar e para entregar-te os teus inimigos; portanto, o teu acampamento será santo, para que ele não veja em ti coisa indecente e se aparte de ti.

[5]Ach ní éisteodh an Tiarna do Dhia le Balám agus rinne an Tiarna do Dhia beannacht den mhallacht duit, mar go raibh grá ag an Tiarna do Dhia duit.

[6]Go brách fad a mhairfidh tú ná bí sa tóir ar a síocháin ná ar a gconách.

[7]Ná bíodh fuath agat don Eadómach óir is bráthair duit é, ná don Éigipteach mar gur dheoraí thú ina thír.

[8]Bíodh cead isteach i dTionól an Tiarna ag an tríú glúin dá sliochtsan.

Glaine an Champa

[9]“Nuair a bhíonn tú i gcogadh le do naimhde, agus go mbíonn tú i gcampa, seachain an uile olc.

[10]Má bhíonn aon fhear in bhur measc nach bhfuil glan de bharr ar tharla dó san oíche, téadh sé ón gcampa amach agus ná filleadh sé ar ais ar an gcampa.

[11]Nuair a thagann an tráthnóna níodh sé é féin le huisce, agus bíodh cead aige filleadh ar an gcampa ar dhul faoi don ghrian.

[12]Bíodh camraí agat lasmuigh den champa, agus gabh amach chucu.

[13]Bíodh sluasaid agat ar do chuid airm, agus nuair a théann tú amach ag déanamh do ghnó, déan poll leis an tsluasaid seo, agus cas timpeall agus clúdaigh do chac.

[14]Óir siúlann an Tiarna do Dhia timpeall istigh i do champa do do chosaint agus ag tabhairt do naimhde ar láimh duit. Ní foláir do champa a bheith ina áit naofa dá bhrí sin; ná feiceadh an Tiarna aon rud

míchuí in bhur measc dá bhrí sin le heagla go dtabharfadh sé droim láimhe leat.

Acerca de fugitivos, prostitutas e usura

15 Não entregarás ao seu senhor o escravo que, tendo fugido dele, se acolher a ti.

16 Contigo ficará, no meio de ti, no lugar que escolher, em alguma de tuas cidades onde lhe agradar; não o oprimirás.

17 Das filhas de Israel não haverá quem se prostitua no serviço do templo, nem dos filhos de Israel haverá quem o faça.

18 Não trarás salário de prostituição nem preço de sodomita à Casa do SENHOR, teu Deus, por qualquer voto; porque uma e outra coisa são igualmente abomináveis ao SENHOR, teu Deus.

19 A teu irmão não emprestarás com juros, seja dinheiro, seja comida ou qualquer coisa que é costume se emprestar com juros.

20 Ao estrangeiro emprestarás com juros, porém a teu irmão não emprestarás com juros, para que o SENHOR, teu Deus, te abençoe em todos os teus empreendimentos na terra a qual passas a possuir.

Acerca de votos

21 Quando fizeres algum voto ao SENHOR, teu Deus, não tardarás em cumpri-lo; porque o SENHOR, teu Deus, certamente, o requererá de ti, e em ti haverá pecado.

22 Porém, abstendo-te de fazer o voto, não haverá pecado em ti.

23 O que proferiram os teus lábios, isso guardarás e o farás, porque votaste

An Lag le Cosaint An tIosraelach

15“Ná tabhair suas dá mháistir daor a d'éalaigh uaidh agus a tháinig chugat.

16Cónaíodh sé farat, in bhur measc, cibé áit is mian leis ina rogha cathair leat; ná cuir isteach air.

17Ná bíodh striapach chultais mná ar iníonacha Iosrael, ná striapach chultais fir ar mhic Iosrael.

18Ná tabhair tuarastal striapaí ná pá madra go teach an Tiarna do Dhia mar fhuascailt ar aon sórt móide; is fuath leis an Tiarna do Dhia iad araon.

19Ná tabhair iasacht ar ús do do dheartháir, cibé acu iasacht airgid é nó bia nó aon ní eile a thuillfeadh breis.

20Ní miste duit ús a éileamh ar iasacht do choimhthíoch, ach ná héiligh ús ar iasacht do do dhearthair, i dtreo go gcuirfidh an Tiarna do Dhia a bheannacht ort i ngach a ndáileann do lámh sa tír atá tú le dul isteach ann agus a shealbhú.

21Má thugann tú móid don Tiarna do Dhia ná bí mall á comhlíonadh, óir éileoidh an Tiarna do Dhia ort í go cinnte, agus ba pheaca í a dhiúltú.

22Ach níor pheaca duit gan móid a thabhairt.

23Cloígh le cibé rud a théann thar do bheola, agus ní foláir duit an mhóid a thug

livremente ao SENHOR, teu Deus, o que falaste com a tua boca.

[24] Quando entrares na vinha do teu próximo, comerás uvas segundo o teu desejo, até te fartares, porém não as levarás no cesto.

[25] Quando entrares na seara do teu próximo, com as mãos arrancarás as espigas; porém na seara não meterás a foice.

Deuteronômio 24

Acerca do divórcio

[1] Se um homem tomar uma mulher e se casar com ela, e se ela não for agradável aos seus olhos, por ter ele achado coisa indecente nela, e se ele lhe lavrar um termo de divórcio, e lho der na mão, e a despedir de casa;

[2] e se ela, saindo da sua casa, for e se casar com outro homem;

[3] e se este a aborrecer, e lhe lavrar termo de divórcio, e lho der na mão, e a despedir da sua casa ou se este último homem, que a tomou para si por mulher, vier a morrer,

[4] então, seu primeiro marido, que a despediu, não poderá tornar a desposá-la para que seja sua mulher, depois que foi contaminada, pois é abominação perante o SENHOR; assim, não farás pecar a terra que o SENHOR, teu Deus, te dá por herança.

Leis de caráter humanitário

tú de do dheoin féin le briathar do bhéil féin don Tiarna do Dhia a chomhlíonadh.

[24]Nuair a théann tú isteach i bhfíonghort do chomharsan, ní cás duit do sháith caor a chaitheamh, oiread díobh agus is mian leat, ach níl cead agat aon chaora a chur í do chliabh.

[25]Má théann tú trí arbhar do chomharsan atá ina sheasamh, ní cás duit diasa a stoitheadh le do láimh ach níl cead agat do chorrán buana a chur in arbhar do chomharsan agus é ina sheasamh.

Deotranaimí 24

Scaradh Pósta

[1]“Abair gur thóg fear bean agus phós í; ach níorbh áil leis í agus fuair sé mínáire éigin le cur ina leith; agus scríobh sé bille scartha di agus thug ina láimh di é agus chuir sé chun siúil óna theach í;

[2]d'imigh sí léi amach agus phós fear eile í.

[3]Má thagann gráin ag an bhfear eile uirthi agus go scríobhann sé bille scartha di, agus é a thabhairt ina láimh di agus í a chur chun siúil óna theach (nó má fhaigheann an fear eile seo, a phós í, bás)

[4]ní ceadmhach dá céad fhear, a chuir uaidh í, í a ghlacadh ar ais anois mar bhean ós rud é gur truaillíodh í ar an gcuma seo. Óir is fuath leis an Tiarna é sin agus ná tabhair ciontacht ar an tír a thugann an Tiarna do Dhia duit mar oidhreacht.

Reachtanna Eile Cosanta

5 Homem recém-casado não sairá à guerra, nem se lhe imporá qualquer encargo; por um ano ficará livre em casa e promoverá felicidade à mulher que tomou.

6 Não se tomarão em penhor as duas mós, nem apenas a de cima, pois se penhoraria, assim, a vida.

7 Se se achar alguém que, tendo roubado um dentre os seus irmãos, dos filhos de Israel, o trata como escravo ou o vende, esse ladrão morrerá. Assim, eliminarás o mal do meio de ti.

8 Guarda-te da praga da lepra e tem diligente cuidado de fazer segundo tudo o que te ensinarem os sacerdotes levitas; como lhes tenho ordenado, terás cuidado de o fazer.

9 Lembra-te do que o SENHOR, teu Deus, fez a Miriã no caminho, quando saíste do Egito.

10 Se emprestares alguma coisa ao teu próximo, não entrarás em sua casa para lhe tirar o penhor.

11 Ficarás do lado de fora, e o homem, a quem emprestaste, aí te trará o penhor.

12 Porém, se for homem pobre, não usarás de noite o seu penhor;

13 em se pondo o sol, restituir-lhe-ás, sem falta, o penhor para que durma no seu manto e te abençoe; isto te será justiça diante do SENHOR, teu Deus.

5“Fear nuaphósta, ná téadh sé san arm agus ná bítear ag cur cúraimí air; fágtar sa bhaile é ar feadh bliana, saor ó dhualgais, le sólás a thabhairt don bhean a ghabh sé chuige.

6Ná tógadh aon duine muileann ná bró i ngeall mar b'ionann sin agus anam a thógáil i ngeall.

7Má bheirtear ar dhuine ag fuadach duine dá bhráithre, de chlann Iosrael, cibé acu le daor a dhéanamh de nó lena dhíol, ní foláir an gadaí sin a chur chun báis. Díbir an t-olc seo ó bhur measc.

8I gcás taom lobhra déan gach a n-ordaíonn na sagairt Léivíteacha duit a choimeád go beacht agus a chomhlíonadh le barr cúraim; déan mar a d'aithin mé dóibh le cáiréis.

9Cuimhnigh ar a ndearna an Tiarna le Miriám agus sibh ar an mbealach ón Éigipt amach.

10“Má bhíonn iasacht d'aon sórt á thabhairt agat do do chomharsa ná téigh isteach ina theach agus a gheall a ghabháil.

11Fan lasmuigh agus tugadh an té dá bhfuil an iasacht á tabhairt agat an geall amach chugat.

12Más bochtán é ná codail ina gheall.

13Nuair a théann an ghrian faoi, tabhair an geall ar ais dó i dtreo gur féidir dó codladh ina bhrat agus beannacht a chur ort; beidh sin ina ghníomh fónta agat i láthair an Tiarna do Dhia.

[14] Não oprimirás o jornaleiro pobre e necessitado, seja ele teu irmão ou estrangeiro que está na tua terra e na tua cidade.

[14]“Ná tar i dtír ar fhostúch bocht dealbh, más bráthair duit é, más deoraí i do dhúiche é atá ag cur faoi i do bhailte.

[15] No seu dia, lhe darás o seu salário, antes do pôr-do-sol, porquanto é pobre, e disso depende a sua vida; para que não clame contra ti ao SENHOR, e haja em ti pecado.

[15]Tabhair a thuarastal dó an lá a thuillfidh sé é, sula dtéann an ghrian faoi (mar tá sé bocht agus tá dúil aige ann) le heagla go n-éifeadh sé chun an Tiarna i d'aghaidh, agus gur pheaca duit sin.

[16] Os pais não serão mortos em lugar dos filhos, nem os filhos, em lugar dos pais; cada qual será morto pelo seu pecado.

[16]Ná cuirtear aithreacha chun báis thar ceann a mac, ná mic thar ceann a n-aithreacha. Cuirtear gach duine chun báis ar son a choire féin.

[17] Não perverterás o direito do estrangeiro e do órfão; nem tomarás em penhor a roupa da viúva.

[17]“Ná déan breith a chlaonadh i gcás deoraí ná dílleachta, agus ná tóg brat baintrí i ngeall.

[18] Lembrar-te-ás de que foste escravo no Egito e de que o SENHOR te livrou dali; pelo que te ordeno que faças isso.

[18]Cuimhnigh go raibh tú féin i do dhaor san Éigipt agus go ndearna an Tiarna do Dhia thú a fhuascailt as an áit sin; uime sin a thugaim an aithne seo duit le comhlíonadh.

[19] Quando, no teu campo, segares a messe e, nele, esqueceres um feixe de espigas, não voltarás a tomá-lo; para o estrangeiro, para o órfão e para a viúva será; para que o SENHOR, teu Deus, te abençoe em toda obra das tuas mãos.

[19]“Nuair a bhíonn an fómhar á bhaint agat sa ghort agus go ndéanann tú dearmad ar phunann sa ghort, na téigh siar ag triall uirthi. Fág ansiúd í don deoraí, don dílleachta agus don bhaintreach i dtreo go ndéanfadh an Tiarna do Dhia a bheannacht a chur ort i do chúraimí go léir.

[20] Quando sacudires a tua oliveira, não voltarás a colher o fruto dos ramos; para o estrangeiro, para o órfão e para a viúva será.

[20]Nuair a bhuaileann tú do chrann ológ, ná téigh siar arís ar na géaga. Bíodh an chuid eile don deoraí, don dílleachta agus don bhaintreach.

[21] Quando vindimares a tua vinha, não tornarás a rebuscá-la; para o estrangeiro, para o órfão e para a viúva será o restante.

[22] Lembrar-te-ás de que foste escravo na terra do Egito; pelo que te ordeno que faças isso.

[10] se deres ouvidos à voz do SENHOR, teu Deus, guardando os seus mandamentos e os seus estatutos, escritos neste Livro da Lei, se te converteres ao SENHOR, teu Deus, de todo o teu coração e de toda a tua alma.

[11] Porque este mandamento que, hoje, te ordeno não é demasiado difícil, nem está longe de ti.

[12] Não está nos céus, para dizeres: Quem subirá por nós aos céus, que no-lo traga e no-lo faça ouvir, para que o cumpramos?

[13] Nem está além do mar, para dizeres: Quem passará por nós além do mar que

[6]Déanfaidh an Tiarna do Dhia timpeallghearradh ar do chroí agus ar chroí do shleachta i dtreo go dtabharfaidh tú grá don Tiarna do Dhia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus go mbeadh an bheatha agat.

[7]Cuirfidh an Tiarna do Dhia na mallachtaí sin go léir sa mhullach ar d'eascairde agus ar do naimhde a rinne géarleanúint ort.

[8]Géillfidh tú do ghlór an Tiarna agus coimeádfaidh tú na haitheanta go léir dá chuid a ordaímse duit inniu.

[9]Cuirfidh an Tiarna do Dhia conách bláfar ar shaothar do lámh go léir, ar thoradh do choirp, ar thoradh do airnéise, agus ar thoradh do thalún. Óir tabharfaidh an Tiarna gean do do chonách arís mar a rinne le d'aithreacha,

[10]má ghéilleann tú do ghlór an Tiarna do Dhia agus a aitheanta a choimeád agus na reachtanna leis atá scríofa sa leabhar seo a dhlí, agus má chasann tú chun an Tiarna do Dhia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán.

[11]“Óir an dlí seo a aithním duit inniu níl sé thar do chumas ná gan breith agat air.

[12]Ní ar neamh atá sé agus nár mhór duit a rá: ‘Cé rachaidh suas ar neamh dúinn lena bhreith anuas chugainn, chun go gcluinfimís é agus déanamh dá réir?”

[13]Ní mó ná sin is thar lear atá agus nár mhór duit a rá: ‘Cé rachaidh thar lear

no-lo traga e no-lo faça ouvir, para que o cumpramos?

[14] Pois esta palavra está mui perto de ti, na tua boca e no teu coração, para a cumprires.

A vida ou a morte

[15] Vê que proponho, hoje, a vida e o bem, a morte e o mal;

[16] se guardares o mandamento que hoje te ordeno, que ames o SENHOR, teu Deus, andes nos seus caminhos, e guardes os seus mandamentos, e os seus estatutos, e os seus juízos, então, viverás e te multiplicarás, e o SENHOR, teu Deus, te abençoará na terra à qual passas para possuí-la.

[17] Porém, se o teu coração se desviar, e não quiseres dar ouvidos, e fores seduzido, e te inclinares a outros deuses, e os servires,

[18] então, hoje, te declaro que, certamente, perecerás; não permanecerás longo tempo na terra à qual vais, passando o Jordão, para a possuíres.

[19] Os céus e a terra tomo, hoje, por testemunhas contra ti, que te propus a vida e a morte, a bênção e a maldição; escolhe, pois, a vida, para que vivas, tu e a tua descendência,

[20] amando o SENHOR, teu Deus, dando ouvidos à sua voz e apegando-te a ele; pois disto depende a tua vida e a tua longevidade; para que habites na terra que

dúinn agus é a thabhairt chugainn chun go gcluinfimís é agus déanamh dá réir?”

[14]Ní amhlaidh atá; tá an briathar an-ghar duit; tá sé i do bhéal agus i do chroí agat le comhlíonadh.

[15]“Seo beatha agus rath, bás agus urchóid á gcur agam romhat inniu.

[16]Má ghéilleann tú d'aitheanta an Tiarna do Dhia a ordaímse duit inniu, má ghránn tú an Tiarna do Dhia agus siúl ina bhealaí, agus a aitheanta, a reachtanna agus a orduithe a choimeád, ansin beidh an bheatha agat, agus beidh síol ort, agus cuirfidh an Tiarna do Dhia a bheannacht ort sa tír a bhfuil tú ag dul ann lena shealbhú.

[17]Ach má chlaonann do chroí, má dhiúltaíonn tú éisteacht agus go mealltar thú chun adhradh do dhéithe eile agus seirbhís dóibh,

[18]fógraím daoibh inniu go scriosfar sibh, go scriosfar sin; is gearr é bhur seal sa tír a bhfuil tú ag dul thar Iordáin isteach ann á shealbhú.

[19]Glaoim ar neamh agus ar thalamh chun fianaise a bhreith in bhur n-aghaidh inniu: Chuir mé romhat bás nó beatha, beannacht nó mallacht. Beir an bheatha de rogha dá bhrí sin, i dtreo go mairfidh tú féin agus do shliocht,

[20]i ngrá an Tiarna do Dhia, ag géilleadh dá ghlór agus ag cloí leis; óir sin é is beatha duit, agus is air a bhraitheann fad do ré sa tír a mhionnaigh an Tiarna do

o SENHOR, sob juramento, prometeu dar a teus pais, Abraão, Isaque e Jacó.

Deuteronômio 31

As Últimas Disposições
Josué, sucessor de Moisés

1 Passou Moisés a falar estas palavras a todo o Israel

2 e disse-lhes: Sou, hoje, da idade de cento e vinte anos. Já não posso sair e entrar, e o SENHOR me disse: Não passarás o Jordão.

3 O SENHOR, teu Deus, passará adiante de ti; ele destruirá estas nações de diante de ti, e tu as possuirás; Josué passará adiante de ti, como o SENHOR tem dito.

4 O SENHOR lhes fará como fez a Seom e a Ogue, reis dos amorreus, os quais destruiu, bem como a sua terra.

5 Quando, pois, o SENHOR vos entregar estes povos diante de vós, então, com eles fareis segundo todo o mandamento que vos tenho ordenado.

6 Sede fortes e corajosos, não temais, nem vos atemorizeis diante deles, porque o SENHOR, vosso Deus, é quem vai convosco; não vos deixará, nem vos desamparará.

7 Chamou Moisés a Josué e lhe disse na presença de todo o Israel: Sê forte e corajoso; porque, com este povo, entrarás na terra que o SENHOR, sob juramento,

d'aithreacha, d'Abrahám, d'Íosác, agus do Iacób, a thabharfadh sé dóibh."

Deotranaimí 31

Laethe Deiridh Mhaois
Gnó Iósua

1Lean Maois air ag rá na bhfocal seo le hIosrael go léir:

2"Táim céad agus a fiche bliain d'aois inniu," ar sé; "ní féidir dom dul agus teacht mar ba mhaith liom a thuilleadh. Tá sé ráite ag an Tiarna liom: 'Ní rachaidh tú thar an Iordáin seo.'

3Rachaidh an Tiarna féin, do Dhia, anonn romhat; scriosfaidh sé na náisiúin seo romhat; díbreoidh tú as seilbh iad; rachaidh Iósua chomh maith anonn ar cheann do shlua mar a dúirt an Tiarna.

4Tabharfaidh an Tiarna an íde chéanna orthu a thug sé ar Shíochon agus ar Óg, ríthe na nAmórach, agus ar a gcríocha nuair a scrios sé iad.

5Tabharfaidh an Tiarna ar láimh daoibhse iad agus déanfaidh sibh leo go beacht de réir gach aithne dár ordaigh mé daoibh.

6Bíodh neart ionaibh, agus misneach agaibh; ná bíodh eagla ná scanradh oraibh rompu; óir is é an Tiarna do Dhia a théann libh; ní theipfidh sé ort, ná ní fheallfaidh ort."

7Ansin ghlaoigh Maois ar Iósua agus dúirt leis i bhfianaise Iosrael go léir: "Bíodh neart ionat, agus misneach agat; tá tú ag dul isteach leis an bpobal seo sa tír a mhionnaigh an Tiarna dá n-aithreacha a

prometeu dar a teus pais; e tu os farás herdá-la.

[8] O SENHOR é quem vai adiante de ti; ele será contigo, não te deixará, nem te desamparará; não temas, nem te atemorizes.

A lei deve ser lida ao povo de sete em sete anos

[9] Esta lei, escreveu-a Moisés e a deu aos sacerdotes, filhos de Levi, que levavam a arca da Aliança do SENHOR, e a todos os anciãos de Israel.

[10] Ordenou-lhes Moisés, dizendo: Ao fim de cada sete anos, precisamente no ano da remissão, na Festa dos Tabernáculos,

[11] quando todo o Israel vier a comparecer perante o SENHOR, teu Deus, no lugar que este escolher, lerás esta lei diante de todo o Israel.

[12] Ajuntai o povo, os homens, as mulheres, os meninos e o estrangeiro que está dentro da vossa cidade, para que ouçam, e aprendam, e temam o SENHOR, vosso Deus, e cuidem de cumprir todas as palavras desta lei;

[13] para que seus filhos que não a souberem ouçam e aprendam a temer o SENHOR, vosso Deus, todos os dias que viverdes sobre a terra à qual ides, passando o Jordão, para a possuir.

A futura rebeldia de Israel

[14] Disse o SENHOR a Moisés: Eis que os teus dias são chegados, para que morras; chama Josué, e apresentai-vos na tenda da congregação, para que eu lhe dê ordens.

thabharfadh sé dóibh; tabharfaidh tú ina seilbh dóibh é.

[8]Sé an Tiarna é féin a threoróidh thú; beidh sé i do theannta; ní theipfidh sé ort ná ní fheallfaidh ort; ná bíodh eagla ná beaguchtach ort."

Léamh an Dlí

[9]Scríobh Maois an dlí seo agus thug é do na sagairt, clann Léiví, an mhuintir a d'iompraíodh áirc chonradh an Tiarna, agus do sheanóirí Iosrael.

[10]Thug Maois an aithne seo dóibh: "Ag deireadh gach seacht mbliana, ag an am ceaptha don fhuascailt, ag féile na dTaibearnacal,

[11]nuair a thagann Iosrael go léir i láthair an Tiarna do Dhia, san áit a thoghfaidh sé, léigh an dlí seo go léir i gcomhchlos Iosrael uile.

[12]Cruinnigh an pobal, idir fhir agus mhná agus mhiondaoine agus dheoraí i do bhailte, d'fhonn go gcluinfidh siad agus go bhfoghlaimeoidh siad eagla an Tiarna bhur nDia, agus go gcoimeádfaidh siad agus go gcomhlíonfaidh siad focail uile an dlí seo.

[13]A gclann nach eol dóibh fós é, cluinfidh siad é agus foghlaimeoidh siad eagla an Tiarna bhur nDia i gcaitheamh bhur ré sa tír a bhfuil sibh ag dul thar Iordáin lena shealbhú."

Treoracha

[14]Dúirt an Tiarna le Maois: "Féach, tá an t-am ag druidim leat nuair a chaithfidh tú bás a fháil; glaoigh ar Iósua agus tagaigí i láthair i mBoth na Teagmhála go dtuga mé

Assim, foram Moisés e Josué e se apresentaram na tenda da congregação.

[15] Então, o SENHOR apareceu, ali, na coluna de nuvem, a qual se deteve sobre a porta da tenda.

[16] Disse o SENHOR a Moisés: Eis que estás para dormir com teus pais; e este povo se levantará, e se prostituirá, indo após deuses estranhos na terra para cujo meio vai, e me deixará, e anulará a aliança que fiz com ele.

[17] Nesse dia, a minha ira se acenderá contra ele; desampará-lo-ei e dele esconderei o rosto, para que seja devorado; e tantos males e angústias o alcançarão, que dirá naquele dia: Não nos alcançaram estes males por não estar o nosso Deus no meio de nós?

[18] Esconderei, pois, certamente, o rosto naquele dia, por todo o mal que tiverem feito, por se haverem tornado a outros deuses.

[19] Escrevei para vós outros este cântico e ensinai-o aos filhos de Israel; ponde-o na sua boca, para que este cântico me seja por testemunha contra os filhos de Israel.

[20] Quando eu tiver introduzido o meu povo na terra que mana leite e mel, a qual, sob juramento, prometi a seus pais, e, tendo ele comido, e se fartado, e engordado, e houver tornado a outros deuses, e os houver servido, e me irritado, e anulado a minha aliança;

a threoracha dó.” Tháinig Maois agus Iósua i láthair i mBoth na Teagmhála.

[15]Agus thaispeáin an Tiarna é féin sa taibearnacal i gcolún néil, agus sheas an colún néil ag doras na Botha.

[16]Dúirt an Tiarna le Maois: “Is gearr go gcodlóidh tú le d'aithreacha. Ansin éireoidh an pobal seo agus rachaidh siad le striapachas ar thóir déithe deoranta na tíre ina bhfuil siad le cur fúthu ina measc. Tréigfidh siad mé agus brisfidh siad an conradh seo a rinne mé leo.

[17]Lasfaidh m'fhearg ina gcoinne an lá sin agus tréigfidh mé iad, agus ceilfidh mé mo ghnúis orthu, agus alpfar iad; is iomaí urchóid agus tubaiste a thiocfaidh orthu i dtreo go ndéarfaidh siad an lá sin: ‘Nár tháinig na hurchóidí seo orm mar nach bhfuil an Tiarna mo Dhia in éineacht liom? ’

[18]Ceilfidh mé mo ghnúis orthu, ceilfidh mé sin, an lá úd toisc na hurchóide go léir a rinneadar ag iompú chun déithe eile.

Laoi na Fianaise

[19]“Scríobh an laoi seo más ea agus múin í do chlann Iosrael; cuir ina mbéal í ionas go mba fhinné dom í an laoi seo in aghaidh chlann Iosrael.

[20]Óir nuair a bheidh siad seolta isteach agam sa tír ina bhfuil bainne agus mil ina slaoda, an tír a mhionnaigh mé a thabharfainn dá n-aithreacha, agus go n-íosfaidh siad agus go mbíonn a mbolg lán, agus blonag orthu, iompóidh siad chun déithe eile agus déanfaidh siad

seirbhís dóibh, agus beidh drochmheas acu ormsa agus brisfidh siad mo chonradh.

21 e, quando o tiverem alcançado muitos males e angústias, então, este cântico responderá contra ele por testemunha, pois a sua descendência, sempre, o trará na boca; porquanto conheço os desígnios que, hoje, estão formulando, antes que o introduza na terra que, sob juramento, prometi.

21Nuair a thiocfaidh cith urchóidí agus tubaistí sa mhullach orthu, tabharfaidh an laoi seo fianaise ina n-aghaidh, óir mairfidh sí beo i mbéal a sleachta. Óir inniu féin, sula dtugaim isteach iad sa tír a mhionnaigh mé a thabharfainn dóibh, is eol dom cad tá á thaibhreamh dóibh ina n-aigne.”

22 Assim, Moisés, naquele mesmo dia, escreveu este cântico e o ensinou aos filhos de Israel.

22An lá ceannann céanna sin scríobh Maois an laoi seo agus mhúin í do chlann Iosrael.

23 Ordenou o SENHOR a Josué, filho de Num, e disse: Sê forte e corajoso, porque tu introduzirás os filhos de Israel na terra que, sob juramento, lhes prometi; e eu serei contigo.

23Thug [an Tiarna] treoracha do Íósua mac Nún agus dúirt: “Bíodh neart ionat, agus misneach agat; óir tá tú le clann Iosrael a thabhairt isteach sa tír a mhionnaigh mé a thabharfainn dóibh, agus beidh mé féin i do theannta.”

O Livro da Lei posto ao lado da arca

24 Tendo Moisés acabado de escrever, integralmente, as palavras desta lei num livro,

25 deu ordem aos levitas que levavam a arca da Aliança do SENHOR, dizendo:

26 Tomai este Livro da Lei e ponde-o ao lado da arca da Aliança do SENHOR, vosso Deus, para que ali esteja por testemunha contra ti.

27 Porque conheço a tua rebeldia e a tua dura cerviz. Pois, se, vivendo eu, ainda hoje, convosco, sois rebeldes contra o SENHOR, quanto mais depois da minha morte?

Cuirtear an Dlí san Áirc

24Nuair a bhí deireadh déanta ag Maois ag scríobh briathra an dlí seo amach go críoch i leabhar,

25thug sé an t-ordú seo do na Léivítigh a d'iompraíodh áirc chonradh an Tiarna:

26“Tóg leabhar seo an dlí agus cuir taobh le háirc chonradh an Tiarna do Dhia é. Bíodh sé ansiúd mar fhinné i d'aghaidh,

27óir is eol dom a cheannaircí agus a cheanndáine atá tú. Má thugann sibh dúshlán an Tiarna inniu féin agus mé beo fós in bhur measc, nach mó ná sin go mór a thabharfaidh sibh a dhúshlán tar éis mo bháis!

[28] Ajuntai perante mim todos os anciãos das vossas tribos e vossos oficiais, para que eu fale aos seus ouvidos estas palavras e contra eles, por testemunhas, tomarei os céus e a terra.

[29] Porque sei que, depois da minha morte, por certo, procedereis corruptamente e vos desviareis do caminho que vos tenho ordenado; então, este mal vos alcançará nos últimos dias, porque fareis mal perante o SENHOR, provocando-o à ira com as obras das vossas mãos.

O cântico de Moisés

[30] Então, Moisés pronunciou, integralmente, as palavras deste cântico aos ouvidos de toda a congregação de Israel:

Tionól

[28]“Cruinnigí i mo thimpeall seanóirí bhur dtreibheanna, agus bhur scríobhaithe, d'fhonn go labhróinn na focail seo ina gcluasa agus go nglaofainn neamh agus talamh mar fhinnéithe ina n-aghaidh.

[29]Óir is maith is eol dom go ndéanfaidh sibh coirpeacht tar éis mo bháis, agus go gclaonfaidh sibh den bhealach a d'aithin mé daoibh; agus go dtiocfaidh an urchóid sa mhullach oraibh sna laethanta le teacht mar go ndearna sibh an t-olc i láthair an Tiarna, á ghríogadh chun feirge le bhur mí-iompar.”

[30]Ansin i gcomhchlos thionól iomlán Iosrael d'aithris Maois focail na laoi seo siar amach go dúnadh.

Deuteronômio 32

[1] Inclinai os ouvidos, ó céus, e falarei; e ouça a terra as palavras da minha boca.
[2] Goteje a minha doutrina como a chuva, destile a minha palavra como o orvalho, como chuvisco sobre a relva e como gotas de água sobre a erva.
[3] Porque proclamarei o nome do SENHOR. Engrandecei o nosso Deus.
[4] Eis a Rocha! Suas obras são perfeitas, porque todos os seus caminhos são juízo; Deus é fidelidade, e não há nele injustiça; é justo e reto.
[5] Procederam corruptamente contra ele, já não são seus filhos, e sim suas manchas; é geração perversa e deformada.

Deotranaimí 32

Laoi Mhaois

[1]Éistigí, a spéartha, go labhraí mé! éisteadh an talamh le briathra mo bhéil.
[2]Go dtite mo theagasc mar an fhearthainn; go sile mo ghlór mar an drúcht mar an fhearthainn bhog ar an bhféar bláith, agus mar cheathanna ar lusra an bháin.
[3]Óir fógróidh mé ainm an Tiarna. Cuirigí in iúl mórgacht ár nDé!
[4]Eisean an Charraig, níl locht ar a shaothar, mar is fíréan iad a bhealaí go léir. Dia dílis é gan éagoir; eisean an Chóir féin agus an Ceart.

[5]Rinneadar coirpeacht, an chlann a ghin sé gan cháim; ál fealltach cam iad.

[6] É assim que recompensas ao SENHOR, povo louco e ignorante? Não é ele teu pai, que te adquiriu, te fez e te estabeleceu?

[6]An mar sin a dhíolann sibh an comhar leis an Tiarna? Nach baoth éaganta an pobal sibh! Nach é d'athair é a chruthaigh thú, a dhealbhaigh thú agus a bhunaigh thú?

[7] Lembra-te dos dias da antiguidade, atenta para os anos de gerações e gerações; pergunta a teu pai, e ele te informará, aos teus anciãos, e eles to dirão.

[7]Cuimhnigh ar na laethanta a bhí, agus machtnaigh ar na blianta ó ghlúin go glúin. Cuir ceist ar d'athair agus tabharfaidh sé fios duit agus ar do sheanóirí agus cuirfidh siad ar an eolas thú.

[8] Quando o Altíssimo distribuía as heranças às nações, quando separava os filhos dos homens uns dos outros, fixou os limites dos povos, segundo o número dos filhos de Israel.

[8]Nuair a bhronn an Té is Airde a n-oidhreacht ar na ciníocha, nuair a roinn sé clann Ádhaimh, leag sé síos a dteorainneacha de réir líon chlann [Dé].

[9] Porque a porção do SENHOR é o seu povo; Jacó é a parte da sua herança.

[9]Ach a mhuintir féin cuid an Tiarna, agus Iacób an oidhreacht a thit air.

[10] Achou-o numa terra deserta e num ermo solitário povoado de uivos; rodeou-o e cuidou dele, guardou-o como a menina dos olhos.

[10]Fuair sé sa díthreabh é, i bhfásach uallairte an fhiántais. Cumhdaíonn sé é, oileann é agus cosnaíonn mar mhac imreasan a shúile.

[11] Como a águia desperta a sua ninhada e voeja sobre os seus filhotes, estende as asas e, tomando-os, os leva sobre elas,

[11]Mar iolar ag faire a neide, ar foluain os cionn a ghearrcach, leathann sé a sciatháin le breith air agus cuireann a eiteoga leis mar theannta.

[12] assim, só o SENHOR o guiou, e não havia com ele deus estranho.

[12]An Tiarna amháin a threoraí, níl aon dia deoranta fairis.

[13] Ele o fez cavalgar sobre os altos da terra, comer as messes do campo, chupar mel da rocha e azeite da dura pederneira,

[13]Tugann sé arda na cruinne dó le marcaíocht tharstu, agus beathaíonn sé é le toradh na sléibhte; tugann sé mil ón gcarraig le deol dó, agus ola ón gcarraig scáil;

[14] coalhada de vacas e leite de ovelhas, com a gordura dos cordeiros, dos carneiros que pastam em Basã e dos bodes,

[14]gruth ón mbólacht, bainne ón tréad, bia saibhir ón bhféarach, reithí do phór Bháiseán, agus gabhair, bia saibhir de

com o mais escolhido trigo; e bebeste o sangue das uvas, o mosto.

dhias na cruithneachta, agus fuil na finiúna glan mar dheoch.

15 Mas, engordando-se o meu amado, deu coices; engordou-se, engrossou-se, ficou nédio e abandonou a Deus, que o fez, desprezou a Rocha da sua salvação.

15[Chaith Iacób bia agus bhí a sháith aige;] Thit Isiriún chun feola agus thug speach. (Thit tú chun feola, chun méithris agus chun gaoithe.) Thréig sé an Dia a rinne é, mhaslaigh sé Carraig a shlánaithe.

16 Com deuses estranhos o provocaram a zelos, com abominações o irritaram.

16Ghriogadar é chun éada le déithe deoranta; chuireadar fearg air le nithe granna.

17 Sacrifícios ofereceram aos demônios, não a Deus; a deuses que não conheceram, novos deuses que vieram há pouco, dos quais não se estremeceram seus pais.

17Rinneadar íobairt do dheamhain nach Dia, do dhéithe nárbh aithnid dóibh riamh, núíosaigh an lae inné, nárbh eagal lena n-aithreacha riamh.

18 Olvidaste a Rocha que te gerou; e te esqueceste do Deus que te deu o ser.

18(Níor chuimhin leat an Charraig a ghin thú, agus rinne tú dearmad den Dia a ba athair agat.)

19 Viu isto o SENHOR e os desprezou, por causa da provocação de seus filhos e suas filhas;

19Chonaic an Tiarna é seo agus le barr feirge chaith sé uaidh a chlann mhac agus iníonacha.

20 e disse: Esconderei deles o rosto, verei qual será o seu fim; porque são raça de perversidade, filhos em quem não há lealdade.

20“Déanfaidh mé mo ghnúis a fholach orthu,” ar sé, agus feicfidh mé cén chríoch a bheidh orthu. Óir is ál fealltach iad, clann gan dílseacht iontu.”

21 A zelos me provocaram com aquilo que não é Deus; com seus ídolos me provocaram à ira; portanto, eu os provocarei a zelos com aquele que não é povo; com louca nação os despertarei à ira.

21Spreagadar chun formaid mé le ní nach Dia; ghriogadar mé lena n-íola. Cuirfidh mise iadsan in éad le dream nach pobal, Cuirfidh mé fearg orthu trí chine gan stuaim.

22 Porque um fogo se acendeu no meu furor e arderá até ao mais profundo do inferno, consumirá a terra e suas messes e abrasará os fundamentos dos montes.

22Las tine as mo fhearg, agus dófaidh sí go híochtar Sheól; alpfaidh sí an talamh agus a thoradh go léir, loiscfidh sí máithreacha na sléibhte.

[23] Amontoarei males sobre eles; as minhas setas esgotarei contra eles.

[24] Consumidos serão pela fome, devorados pela febre e peste violenta; e contra eles enviarei dentes de feras e ardente peçonha de serpentes do pó.

[25] Fora devastará a espada, em casa, o pavor, tanto ao jovem como à virgem, tanto à criança de peito como ao homem encanecido.

[26] Eu teria dito: Por todos os cantos os espalharei e farei cessar a sua memória dentre os homens,

[27] se eu não tivesse receado a provocação do inimigo, para que os seus adversários não se iludam, para que não digam: A nossa mão tem prevalecido, e não foi o SENHOR quem fez tudo isto.

[28] Porque o meu povo é gente falta de conselhos, e neles não há entendimento.

[29] Tomara fossem eles sábios! Então, entenderiam isto e atentariam para o seu fim.

[30] Como poderia um só perseguir mil, e dois fazerem fugir dez mil, se a sua Rocha lhos não vendera, e o SENHOR lhos não entregara?

[31] Porque a rocha deles não é como a nossa Rocha; e os próprios inimigos o atestam.

[32] Porque a sua vinha é da vinha de Sodoma e dos campos de Gomorra; as suas uvas são uvas de veneno, seus cachos, amargos;

[23]Déanfaidh mé urchóidí a chruachadh orthu, agus is leo a chaithfidh mé mo shaigheada go léir.

[24]Beidh sciobóil ghorta mar airm agam; galar agus eitinn mar nimh. Seolfaidh mé fiacla géara na n-ainmhithe allta agus nimh na n-athracha talmhaí ina n-aghaidh.

[25]Lasmuigh déanfaidh an claíomh eirleach ar a gclann, agus laistigh beidh an scéin i réim. Ní mhairfidh ógfhear nó ógbhean, an leanbh cíche ná an seanduine liath.

[26]“Ba chóir dom iad a scaipeadh i gcéin,” a déarfainn “agus iad a scrios ó chuimhne daoine,”

[27]mura mbeadh gurb eagal liom maíomh an namhad, le heagla go dtabharfadh a n-eascairde breith bhréagach, le heagla go ndéarfaidís: “Tá an lá lenár neart! Níl aon bhaint ag an Tiarna leis seo go léir!”

[28]Is náisiún gan chomhairle iad! Níl aon tuiscint acu!

[29]Dá mbeidís eagnaí, thuigfidís é seo, bheadh léamh acu ar an gcríoch atá i ndán dóibh.

[30]Conas a d'fhéadfadh duine an teitheadh a chur ar mhíle agus beirt ar dheich míle, murar dhíol a gCarraig iad agus gur thug an Tiarna ar láimh iad?

[31]Óir níl a gcarraigsean mar ár gCarraigne; ní himpígh ár naimhde.

[32]Óir is d'fhiniúin Shodom dá bhfiniúin agus ó dhoirí Ghomorá. Caora nimhe a gcaora, crobhaingí searbha a gcrobhaingí.

[33] o seu vinho é ardente veneno de répteis e peçonha terrível de víboras.

[34] Não está isto guardado comigo, selado nos meus tesouros?

[35] A mim me pertence a vingança, a retribuição, a seu tempo, quando resvalar o seu pé; porque o dia da sua calamidade está próximo, e o seu destino se apressa em chegar.

[36] Porque o SENHOR fará justiça ao seu povo e se compadecerá dos seus servos, quando vir que o seu poder se foi, e já não há nem escravo nem livre.

[37] Então, dirá: Onde estão os seus deuses? E a rocha em quem confiavam?

[38] Deuses que comiam a gordura de seus sacrifícios e bebiam o vinho de suas libações? Levantem-se eles e vos ajudem, para que haja esconderijo para vós outros!

[39] Vede, agora, que Eu Sou, Eu somente, e mais nenhum deus além de mim; eu mato e eu faço viver; eu firo e eu saro; e não há quem possa livrar alguém da minha mão.

[40] Levanto a mão aos céus e afirmo por minha vida eterna:

[41] se eu afiar a minha espada reluzente, e a minha mão exercitar o juízo, tomarei vingança contra os meus adversários e retribuirei aos que me odeiam.

[42] Embriagarei as minhas setas de sangue (a minha espada comerá carne), do sangue

[33]Nimh nathracha a bhfíon, agus goimh dhanartha asp.

[34]Ach eisean, nach seoid luachmhar chánach agam é arna cumhdach i mo chiste?

[35]Liomsa an díoltas, agus an cúiteamh, i gcomhair an lae nuair a shleamhnóidh a gcos. Óir tá lá a scriosta in achmaireacht agus tá a dtubaiste ar sodar faoina ndéin.

[36](Óir tabharfaidh an Tiarna breith i bhfabhar a phobail, agus beidh trua aige dá shearbhóntaí.) Óir feicfidh sé gur thréig a gcumhacht, agus nach bhfuil aon duine fágtha, daor ná saor.

[37]Fiafróidh sé ansin: “Cá bhfuil a ndéithe? - an charraig inar chuireadar muinín,

[38]an té a d'ith saill a n-íobairtí, agus a d'ól fíon a n-íobairtí dí? Éiridís-sean agus déanaidís tarrtháil ort! Bídís-sean mar dhíon ort!

[39]Féach anois, gur mise É, mise féin agus níl aon dia eile ann ach mé. Is mé údar an bháis agus údar na beatha Nuair a bhuailim, is mé a leigheasann (agus níl duine a dhéanfadh fuascailt as mo láimh).

[40]Sea, ardaím mo lámh chun neimhe, agus mionnaím dar mo bheo go deo:

[41]Nuair a bheidh faobhar ar mo chlaíomh lonrach, agus go dtéim i mbun cúis na córa, déanfaidh mé díoltas a imirt ar mo naimhde, agus díolfaidh mé an comhar le lucht m'fhuatha.

[42]Cuirfidh mé meisce fola ar mo shaigheada, agus slogfaidh mo chlaíomh

dos mortos e dos prisioneiros, das cabeças cabeludas do inimigo.

feoil ina chraos fuil na gcrólíoch agus na gcimí, agus cloigne cheannairí an namhad.”

43 Louvai, ó nações, o seu povo, porque o SENHOR vingará o sangue dos seus servos, tomará vingança dos seus adversários e fará expiação pela terra do seu povo.

43[A spéartha, déanaigí lúcháir in éineacht leis! Tugadh clann Dé urraim dó!] A náisiúna, déanaigí lúcháir lena phobal; tráchtadh teachtairí Dé ar a chumhacht! Óir déanfaidh sé fuil a shearbhóntaí a dhíolt, agus díolfaidh sé an comhar lena naimhde. Déanfaidh sé aisíoc le lucht a fhuatha, agus déanfaidh sé fearann a phobail a íonghlanadh.

44 Veio Moisés e falou todas as palavras deste cântico aos ouvidos do povo, ele e Josué, filho de Num.

44Tháinig Maois agus [Iósua] mac Nún agus d'aithris siad focail na laoi sin go léir i gcomhchlos an phobail.

45 Tendo Moisés falado todas estas palavras a todo o Israel,

45Nuair a bhí an clabhsúr ag Maois ag aithris na mbriathra sin go léir do chlann Iosrael uile,

46 disse-lhes: Aplicai o coração a todas as palavras que, hoje, testifico entre vós, para que ordeneis a vossos filhos que cuidem de cumprir todas as palavras desta lei.

46dúirt sé leo: “Gabhaigí chugaibh i gcochall bhur gcroí na briathra go léir a d'aithin mé daoibh inniu; ní foláir daoibh a ordú do bhur gclann briathra uile an dlí seo a choimeád le barr cúraim.

47 Porque esta palavra não é para vós outros coisa vã; antes, é a vossa vida; e, por esta mesma palavra, prolongareis os dias na terra à qual, passando o Jordão, ides para a possuir.

47Óir ní aon ghnó suarach a bheidh á dhéanamh agaibh, mar is é bhur mbeatha é, agus dá bhíthin beidh fad saoil agaibh sa tír a bhfuil sibh ag dul thar Iordáin anonn lena shealbhú.”

O Último Dia da Vida de Moisés
Moisés vê do monte Nebo a terra de Canaã

Bás Mhaois á Thairngreacht

48 Naquele mesmo dia, falou o SENHOR a Moisés, dizendo:

48Labhair an Tiarna le Maois an lá sin féin agus dúirt sé leis:

49 Sobe a este monte de Abarim, ao monte Nebo, que está na terra de Moabe, defronte de Jericó, e vê a terra de Canaã, que aos filhos de Israel dou em possessão.

49“Gabh suas ar Shliabh Neabó, i sliabhraon seo Abáraím, i dtír Mhóáb sall ó Ireachó; agus féach uait ar thír Chanán

[50] E morrerás no monte, ao qual terás subido, e te recolherás ao teu povo, como Arão, teu irmão, morreu no monte Hor e se recolheu ao seu povo,

[51] porquanto prevaricastes contra mim no meio dos filhos de Israel, nas águas de Meribá de Cades, no deserto de Zim, pois me não santificastes no meio dos filhos de Israel.

[52] Pelo que verás a terra defronte de ti, porém não entrarás nela, na terra que dou aos filhos de Israel.

Deuteronômio 33

A bênção de Moisés

[1] Esta é a bênção que Moisés, homem de Deus, deu aos filhos de Israel, antes da sua morte.

[2] Disse, pois: O SENHOR veio do Sinai e lhes alvoreceu de Seir, resplandeceu desde o monte Parã; e veio das miríades de santos; à sua direita, havia para eles o fogo da lei.

[3] Na verdade, amas os povos; todos os teus santos estão na tua mão; eles se colocam a teus pés e aprendem das tuas palavras.

[4] Moisés nos prescreveu a lei por herança da congregação de Jacó.

[5] E o SENHOR se tornou rei ao seu povo amado, quando se congregaram os cabeças do povo com as tribos de Israel.

atáim a thabhairt mar fhearann dílis do chlann Iosrael.

[50]Faigh bás ar an gcnoc ar a rachaidh tú agus cruinnítear chun do mhuintire thú, faoi mar a fuair Árón do dheartháir bás ar Shliabh Hor agus a cruinníodh chun a mhuintire é.

[51]Óir rinne sibh feall ar iontaoibh liom i measc chlann Iosrael an uair úd ag Miríbeat Cáidéis, i bhfásach Zin; mar níor thaispeáin sibh mo naofacht i measc chlann Iosrael.

[52]Ní fheicfidh tú an tír ach i gcéin uait; ní féidir duit dul ann, isteach sa tír sé sin atá á thabhairt agam do chlann Iosrael.”

Deotranaimí 33

Beannacht Mhaois

[1]Seo í an bheannacht lenar bheannaigh Maois, giolla Dé, clann Iosrael roimh bhás dó.

[2]Dúirt sé: Tháinig an Tiarna ó Shíonái, agus d'éirigh chucu thar íor na spéire ó Shaeír. Dealraigh sé ó Shliabh Pharán; tháinig sé ag triall orthu tar éis an tionóil i gCáidéis, ó uachtar neimhe go himeall na gcnoc.

[3]Tusa a ghráigh na haithreacha, is i do láimh atá na naoimh go léir. Thiteadar ag do chosa, agus chuadar ar aghaidh go mear faoi do threoir.

[4](Leag Maois dlí orainn.) Tá comhthionól Iacóib ag dul i seilbh a oidhreachta.

[5]Bhí rí in Isiriún, nuair a thionóil ceannairí an phobail, agus go raibh treibheanna uile Iacóib le chéile.

[6] Viva Rúben e não morra; e não sejam poucos os seus homens!

[7] Isto é o que disse de Judá: Ouve, ó SENHOR, a voz de Judá e introduze-o no seu povo; com as tuas mãos, peleja por ele e sê tu ajuda contra os seus inimigos.

[8] De Levi disse: Dá, ó Deus, o teu Tumim e o teu Urim para o homem, teu fidedigno, que tu provaste em Massá, com quem contendeste nas águas de Meribá;

[9] aquele que disse a seu pai e a sua mãe: Nunca os vi; e não conheceu a seus irmãos e não estimou a seus filhos, pois guardou a tua palavra e observou a tua aliança.

[10] Ensinou os teus juízos a Jacó e a tua lei, a Israel; ofereceu incenso às tuas narinas e holocausto, sobre o teu altar.

[11] Abençoa o seu poder, ó SENHOR, e aceita a obra das suas mãos, fere os lombos dos que se levantam contra ele e o aborrecem, para que nunca mais se levantem.

[12] De Benjamim disse: O amado do SENHOR habitará seguro com ele; todo o dia o SENHOR o protegerá, e ele descansará nos seus braços.

[13] De José disse: Bendita do SENHOR seja a sua terra, com o que é mais excelente dos céus, do orvalho e das profundezas,

[6]Go maire Reúbaen agus nár fhaighe bás, go maire chomh maith a bheagán slua.

[7]Dúirt sé mar leanas faoi Iúdá: Éist, a Thiarna, le glor Iúdá, agus beir ar ais chun a mhuintire é, go gcosnaí a lámha a chearta, agus go dtaga i gcabhair air in aghaidh a naimhde.

[8]Dúirt sé faoi Léiví: Tabhair do Léiví do Úirím, agus do Thuimím don té dá dtug tú gean, tar éis duit é a phromhadh ag Masá, agus bheith ag spairn leis ag Miríbeá,

[9]Dúirt sé faoina athair agus faoina mháthair: “Ní fhaca mé iad.” Ní aithnid dó a bhráithre, ná níl aithne aige ar a chlann. Sea, chomhlíonadar do bhriathar, agus choimeádadar do chonradh go daingean.

[10]Déanann siad do reachtanna a theagasc do Iacób, agus do dhlí do Iosrael. Seolann siad túis i do láthair, agus leagann siad an íobairt uileloiscthe ar d'altóir.

[11]A Thiarna, beannaigh a mhaoin agus glac le saothar a lámh. Basc leasracha a naimhde agus a eascairde, ionas nach n-éireoidh siad arís.

[12]Dúirt sé faoi Bhiniáimin: An té is ionúin leis an Tiarna, tá cónaí air gan bhaol ina fharraid. Cumhdaíonn an Té is Airde é ó lá go lá agus lonnaíonn sé ar leicne a shléibhte.

[13]Dúirt sé faoi Iósaef: Go mbeannaí an Tiarna a fhearann, le togha dhrúcht neimhe, agus le togha an duibheagáin atá ag cúbadh thíos,

[14] com o que é mais excelente daquilo que o sol amadurece e daquilo que os meses produzem,

[15] com o que é mais excelente dos montes antigos e mais excelente dos outeiros eternos,

[16] com o que é mais excelente da terra e da sua plenitude e da benevolência daquele que apareceu na sarça; que tudo isto venha sobre a cabeça de José, sobre a cabeça do príncipe entre seus irmãos.

[17] Ele tem a imponência do primogênito do seu touro, e as suas pontas são como as de um boi selvagem; com elas rechaçará todos os povos até às extremidades da terra. Tais, pois, as miríades de Efraim, e tais, os milhares de Manassés.

[18] De Zebulom disse: Alegra-te, Zebulom, nas tuas saídas marítimas, e tu, Issacar, nas tuas tendas.

[19] Os dois chamarão os povos ao monte; ali apresentarão ofertas legítimas, porque chuparão a abundância dos mares e os tesouros escondidos da areia.

[20] De Gade disse: Bendito aquele que faz dilatar Gade, o qual habita como a leoa e despedaça o braço e o alto da cabeça.

[21] E se proveu da melhor parte, porquanto ali estava escondida a porção do chefe; ele marchou adiante do povo, executou a justiça do SENHOR e os seus juízos para com Israel.

[22] De Dã disse: Dã é leãozinho; saltará de Basã.

[14]le togha thorthaí na gréine, agus fhómhar trom gach míosa,

[15]le togha thoradh na gcnoc ársa, agus le flúirse ó na sléibhte ciana,

[16]le togha thoradh na talún agus a bhfuil ann, le gean an té a lonnaigh sa Tor. Go bhfása an ghruaig go tiubh ar mhullach cheann Iósaef, an té a coisriceadh i measc a bhráithre.

[17]Céadghin an tairbh, is leis an ghlóir. Adharca daimh allta a adharca agus leosan sánn sé na pobail go léir go himill an domhain. Is mar sin leis na mílte ar mhílte d'Eafráim, is mar sin le mílte Mhanaise.

[18]Dúirt sé faoi Zabúlun: Bíodh lúcháir ort, a Zabúlun, ag taisteal duit i gcéin, agus ortsa, a Íosácár, i do bhothanna.

[19]Déanann siad íobairtí conáigh, ar an sliabh ar a bhfuil triall na ndaoine ag guí; óir blaiseann siad saibhreas na mara, agus an mhaoin folaithe sa ghaineamh.

[20]Dúirt sé faoi Ghád: Beannacht ar an té a fhágann a dhóthain slí ag Gád! Luíonn sé mar bhanleon; stoll sé géag, ceannaithe, agus baithis.

[21]Thogh sé an chéad roinn dó féin, mar bhí mír cheannaire in áirithe ansiúd. Tháinig sé mar cheannaire ar an bpobal; aitheanta agus reachtanna córa an Tiarna, chuir sé i bhfeidhm ar Iosrael iad.

[22]Dúirt sé faoi Dhán: Coileán leoin é Dán, ag lingeadh ó Bháiseán.

[23] De Naftali disse: Naftali goza de favores e, cheio da bênção do SENHOR, possuirá o lago e o Sul.

[24] De Aser disse: Bendito seja Aser entre os filhos de Jacó, agrade a seus irmãos e banhe em azeite o pé.

[25] Sejam de ferro e de bronze os teus ferrolhos, e, como os teus dias, durará a tua paz.

[26] Não há outro, ó amado, semelhante a Deus, que cavalga sobre os céus para a tua ajuda e com a sua alteza sobre as nuvens.

[27] O Deus eterno é a tua habitação e, por baixo de ti, estende os braços eternos; ele expulsou o inimigo de diante de ti e disse: Destrói-o.

[28] Israel, pois, habitará seguro, a fonte de Jacó habitará a sós numa terra de cereal e de vinho; e os seus céus destilarão orvalho.

[29] Feliz és tu, ó Israel! Quem é como tu? Povo salvo pelo SENHOR, escudo que te socorre, espada que te dá alteza. Assim, os teus inimigos te serão sujeitos, e tu pisarás os seus altos.

Deuteronômio 34

A morte de Moisés

[1] Então, subiu Moisés das campinas de Moabe ao monte Nebo, ao cimo de Pisga, que está defronte de Jericó; e o SENHOR lhe mostrou toda a terra de Gileade até Dã;

[2] e todo o Naftali, e a terra de Efraim, e Manassés; e toda a terra de Judá até ao mar ocidental;

[23]Dúirt sé faoi Naftáilí: A Naftáilí, ar do shástacht le fabhair, agus lán de bheannachtaí an Tiarna, bíodh an loch agus an deisceart i do sheilbh.

[24]Dúirt sé faoi Áiséar: Go raibh beannacht thar na mic ar Áiséar; gurb é muirnín a bhráithre é, agus tumadh sé a chosa in ola!

[25]Bíodh do bholtaí d'iarann agus de phrás agus do neart comhfhad le do ré.

[26]Níl aon neach mar Dhia, Isiriún; tagann sé i gcabhair ort ar mhuin na spéartha; agus ar mhuin na néalta ina mhórgacht.

[27]Sé Dia síoraí do thearmann. Anseo thíos sé an lámh shíoraí é ag tiomáint an namhad romhat; eisean a deir: “Scrios iad.”

[28]Uime sin lonnaíonn Iosrael i síochháin; toghtar tobar Iacóib mar thír arbhair agus fíona; sileann neamh féin an drúcht anuas

[29]Nach méanar duit, a Iosrael! Cé tá mar thú, pobal a d'fhuascail an Tiarna, an té is sciath do dhídine, agus claíomh do bhua. Tiocfaidh do naimhde ag lútáil ort, ach siúlfaidh tusa ar a ndroim.

Deotranaimí 34

Bás Mhaois

[1]Ansin d'imigh Maois ó mhachairí Mhóáb agus ghabh Sliabh Neabó suas go mullach Phisceá, sall ó Ireachó, agus thaispeáin an Tiarna an tír ar fad dó: Gileád go Dán,

[2]Naftáilí go léir, dúiche Eafráim agus Manaise, tír Iúdá go léir go dtí an Fharraige Thiar,

[3] e o Neguebe e a campina do vale de Jericó, a cidade das Palmeiras, até Zoar.

[3]an Neigib agus fairsinge Ghleann Ireachó, cathair na gcrann pailme, go Zoar.

[4] Disse-lhe o SENHOR: Esta é a terra que, sob juramento, prometi a Abraão, a Isaque e a Jacó, dizendo: à tua descendência a darei; eu te faço vê-la com os próprios olhos; porém não irás para lá.

[4]Dúirt an Tiarna leis: "Sin é an tír a mhionnaigh mé a thabharfainn d'Abrahám, d'Íosác, agus do Iacób, á rá: 'Tabharfaidh mé do do shíol é.' Lig mé duit é a fheiceáil le do shúile cinn, ach ní rachaidh tú anonn isteach ann."

[5] Assim, morreu ali Moisés, servo do SENHOR, na terra de Moabe, segundo a palavra do SENHOR.

[5]Ansiúd i dtír Mhóáb, fuair Maois searbhónta an Tiarna bás faoi mar a d'achtaigh an Tiarna,

[6] Este o sepultou num vale, na terra de Moabe, defronte de Bete-Peor; e ninguém sabe, até hoje, o lugar da sua sepultura.

[6]agus rinne sé é a adhlacadh sa ghleann, i dtír Mhóáb, sall ó Bhéit Peór; ach go dtí an lá inniu féin ní fios d'aon duine cá bhfuil a uaigh.

[7] Tinha Moisés a idade de cento e vinte anos quando morreu; não se lhe escureceram os olhos, nem se lhe abateu o vigor.

[7]Bhí Maois céad agus a fiche bliain d'aois nuair a fuair sé bás; ní raibh a radharc teipthe ná a bhrí tráite.

[8] Os filhos de Israel prantearam Moisés por trinta dias, nas campinas de Moabe; então, se cumpriram os dias do pranto no luto por Moisés.

[8]Chaoin clann Iosrael Maois ar feadh tríocha lá ar bhánta Mhóáb; ansin bhí deireadh le caoineadh agus le holagón do Mhaois.

[9] Josué, filho de Num, estava cheio do espírito de sabedoria, porquanto Moisés impôs sobre ele as mãos; assim, os filhos de Israel lhe deram ouvidos e fizeram como o SENHOR ordenara a Moisés.

[9]Líonadh Iósua mac Nún le spiorad na heagna mar leag Maois a lámha air. Ghéill clann Iosrael dó agus rinneadar de réir an ordaithe a thug an Tiarna do Mhaois.

[10] Nunca mais se levantou em Israel profeta algum como Moisés, com quem o SENHOR houvesse tratado face a face,

[10]Níor éirigh in Iosrael ó shin fáidh mar Mhaois, an té a ba aithin don Tiarna gnúis le gnúis.

[11] no tocante a todos os sinais e maravilhas que, por mando do SENHOR, fez na terra do Egito, a Faraó, a todos os seus oficiais e a toda a sua terra;

[11]Cad é comharthaí agus iontais a chuir an Tiarna faoi deara dó a déanamh i dtír na hÉigipte in aghaidh Fhorainn agus a shearbhóntaí agus a thíre go léir!

[12] e no tocante a todas as obras de sua poderosa mão e aos grandes e terríveis feitos que operou Moisés à vista de todo o Israel.

[12]Nár láidir í an lámh, agus nár mhór agus nárbh uafasach iad na héachta a nocht Maois os comhair Iosrael go léir!

O livro de Josué	Iósua

Josué 1

Deus fala a Josué e anima-o

[1] Sucedeu, depois da morte de Moisés, servo do SENHOR, que este falou a Josué, filho de Num, servidor de Moisés, dizendo:

[2] Moisés, meu servo, é morto; dispõe-te, agora, passa este Jordão, tu e todo este povo, à terra que eu dou aos filhos de Israel.

[3] Todo lugar que pisar a planta do vosso pé, vo-lo tenho dado, como eu prometi a Moisés.

[4] Desde o deserto e o Líbano até ao grande rio, o rio Eufrates, toda a terra dos heteus e até ao mar Grande para o poente do sol será o vosso limite.

[5] Ninguém te poderá resistir todos os dias da tua vida; como fui com Moisés, assim serei contigo; não te deixarei, nem te desampararei.

[6] Sê forte e corajoso, porque tu farás este povo herdar a terra que, sob juramento, prometi dar a seus pais.

[7] Tão-somente sê forte e mui corajoso para teres o cuidado de fazer segundo toda a lei que meu servo Moisés te ordenou; dela não te desvies, nem para a direita nem para a esquerda, para que sejas bem-sucedido por onde quer que andares.

Iósua 1

Ullmhú

[1]Tar éis bháis do Mhaois óglach an Tiarna, dúirt an Tiarna le Iósua mac Nún, feidhmeannach Mhaois:

[2]“Tá Maois m'óglach tar éis bháis. Éirigh dá bhrí sin agus thar an Iordáin seo anonn leat, thú féin agus an pobal seo go léir, agus isteach leat sa tír atá á thabhairt agam dóibhsean, do chlann Iosrael.

[3]Gach fód ar a leagfaidh sibh bonn bhur gcoise, tabharfaidh mé daoibh é, mar a gheall mé do Mhaois.

[4]Ón bhfásach agus ón Liobáin anseo go dtí an Abhainn Mhór, an Eofrataes, dúiche na Hiteach go léir chomh fada leis an bhFarraige Mhór laistiar, sin iad na críocha a bheidh agaibh.

[5]Ní fhéadfaidh aon duine an fód a sheasamh i d'aghaidh i gcaitheamh do shaoil go léir; mar a bhí agam le Maois is ea a bheidh agam leatsa; ní thréigfidh mé thú ná cliseadh ort.

[6]Bíodh neart ionat agus misneach agat, mar an tír seo a mhionnaíos dá n-aithreacha a thabharfainn dóibh, is tusa a chuirfidh é i seilbh an phobail seo mar oidhreacht.

[7]Bí teann, sin uile, agus bíodh misneach thar na bearta agat, agus féach chuige le cáiréis go ndéanfaidh tú beart de réir an dlí go léir a d'ordaigh Maois m'óglach duit; ná cas ar dheis ná ar chlé uaidh, i dtreo go

mbeidh an t-ádh leat cibé treo baill ina rachaidh tú.

[8] Não cesses de falar deste Livro da Lei; antes, medita nele dia e noite, para que tenhas cuidado de fazer segundo tudo quanto nele está escrito; então, farás prosperar o teu caminho e serás bem-sucedido.

[8]Leabhar seo an dlí, ná fágadh sé do bhéal ach déan do mhachnamh air de lá agus d'oíche, le go ndéanfaidh tú go beacht de réir gach a bhfuil scríofa ann, óir is mar sin a chuirfidh tú an rath ar do ród agus a bheidh an t-ádh i do bhóthar.

[9] Não to mandei eu? Sê forte e corajoso; não temas, nem te espantes, porque o SENHOR, teu Deus, é contigo por onde quer que andares.

[9]Nár thug mé ordú duit? Bí teann agus bíodh misneach agat. Ná bíodh eagla ort ná beaguchtach, mar tá an Tiarna do Dhia farat cibé áit a rachaidh tú."

Preparação para atravessar o Jordão

[10] Então, deu ordem Josué aos príncipes do povo, dizendo:

[10]Ansin thug Iósua ordú d'oifigigh an phobail á rá: "Gabhaigí tríd an gcampa agus tugaigí an t-ordú seo don phobal:

[11] Passai pelo meio do arraial e ordenai ao povo, dizendo: Provede-vos de comida, porque, dentro de três dias, passareis este Jordão, para que entreis na terra que vos dá o SENHOR, vosso Deus, para a possuirdes.

[11]'Ullmhaígí lón daoibh féin. Faoi cheann trí lá rachaidh sibh thar Iordáin anseo ar an tslí isteach chun seilbh a fháil ar an tír atá an Tiarna bhur nDia a thabhairt daoibh in bhur seilbh.' "

[12] Falou Josué aos rubenitas, e aos gaditas, e à meia tribo de Manassés, dizendo:

[12]Agus dúirt Iósua leis na Reúbaenaigh, na Gádaigh, agus leath-threibh Mhanaise:

[13] Lembrai-vos do que vos ordenou Moisés, servo do SENHOR, dizendo: O SENHOR, vosso Deus, vos concede descanso e vos dá esta terra.

[13]"Cuimhnigí ar ar ordaigh Maois óglach an Tiarna daoibh á rá: 'Tá áit suaimhnis á sholáthar ag an Tiarna bhur nDia daoibh agus tabharfaidh sé an talamh seo daoibh.'

[14] Vossas mulheres, vossos meninos e vosso gado fiquem na terra que Moisés vos deu deste lado do Jordão; porém vós, todos os valentes, passareis armados na frente de vossos irmãos e os ajudareis,

[14]Bhur mná, bhur miondaoine, bhur n-airnéis, fanfaidh siad san fhearann a thug Maois daoibh, taobh thall den Iordáin; ach gach fear in bhur measc a iompraíonn airm, rachaidh siad anonn faoi airm os comhair bhur mbráithre agus cabhróidh siad leo,

[15] até que o SENHOR conceda descanso a vossos irmãos, como a vós outros, e eles também tomem posse da terra que o SENHOR, vosso Deus, lhes dá; então, tornareis à terra da vossa herança e possuireis a que vos deu Moisés, servo do SENHOR, deste lado do Jordão, para o nascente do sol.

[16] Então, responderam a Josué, dizendo: Tudo quanto nos ordenaste faremos e aonde quer que nos enviares iremos.

[17] Como em tudo obedecemos a Moisés, assim obedeceremos a ti; tão-somente seja o SENHOR, teu Deus, contigo, como foi com Moisés.

[18] Todo homem que se rebelar contra as tuas ordens e não obedecer às tuas palavras em tudo quanto lhe ordenares será morto; tão-somente sê forte e corajoso.

Josué 2

Espias mandados a Jericó. Raabe

[1] De Sitim enviou Josué, filho de Num, dois homens, secretamente, como espias, dizendo: Andai e observai a terra e Jericó. Foram, pois, e entraram na casa de uma mulher prostituta, cujo nome era Raabe, e pousaram ali.

[2] Então, se deu notícia ao rei de Jericó, dizendo: Eis que, esta noite, vieram aqui uns homens dos filhos de Israel para espiar a terra.

[3] Mandou, pois, o rei de Jericó dizer a Raabe: Faze sair os homens que vieram a

[15]nó go dtugann an Tiarna suaimhneas do bhur mbráithre chomh maith libh féin agus go ngabhfaidh siadsan leis seilbh ar an bhfearann atá an Tiarna bhur nDia a thabhairt dóibh; ansin fillfidh sibh ar bhur bhfearann dílis agus seilbh a ghabháil air, an fearann a thug Maois óglach an Tiarna daoibh lastoir den Iordáin."

[16]D'fhreagraíodar Iósua á rá: "Déanfaimid gach ar ordaigh tú dúinn; rachaimid cibé áit a seolfaidh tú sinn.

[17]Rinneamar rud ar Mhaois i ngach gnó, agus déanfaimid rud ortsa mar an gcéanna; go raibh an Tiarna do Dhia leatsa faoi mar a bhí le Maois, sin uile!

[18]Aon duine a dhéanfaidh ceannairc in aghaidh ordú uait, agus nach ngéillfidh do do bhriathra, cibé rud a ordaíonn tú, cuirfear chun báis é. Bí teann, sin uile, agus bíodh misneach agat."

Iósua 2

Spiaireacht

[1]Sheol Iósua mac Nún beirt fhear faoi choim ó Shitim mar spiairí á rá leo: "Ar aghaidh libh, breathnaígí an dúiche, go háirithe Ireachó." Ar aghaidh leo agus chuadar isteach i dteach striapaí darbh ainm Rácháb, agus chuireadar fúthu ann.

[2]Tugadh scéala go rí Ireachó: "Féach, tá fir tagtha anseo anocht ó Iosrael chun an tír a bhrath."

[3]Ansin chuir rí Ireachó scéal go Rácháb á rá: "Tabhair amach na fir a tháinig chugat,

ti e entraram na tua casa, porque vieram espiar toda a terra.

[4] A mulher, porém, havia tomado e escondido os dois homens; e disse: É verdade que os dois homens vieram a mim, porém eu não sabia donde eram.

[5] Havendo-se de fechar a porta, sendo já escuro, eles saíram; não sei para onde foram; ide após eles depressa, porque os alcançareis.

[6] Ela, porém, os fizera subir ao eirado e os escondera entre as canas do linho que havia disposto em ordem no eirado.

[7] Foram-se aqueles homens após os espias pelo caminho que dá aos vaus do Jordão; e, havendo saído os que iam após eles, fechou-se a porta.

[8] Antes que os espias se deitassem, foi ela ter com eles ao eirado

[9] e lhes disse: Bem sei que o SENHOR vos deu esta terra, e que o pavor que infundis caiu sobre nós, e que todos os moradores da terra estão desmaiados.

[10] Porque temos ouvido que o SENHOR secou as águas do mar Vermelho diante de vós, quando saíeis do Egito; e também o que fizestes aos dois reis dos amorreus, Seom e Ogue, que estavam além do Jordão, os quais destruístes.

[11] Ouvindo isto, desmaiou-nos o coração, e em ninguém mais há ânimo algum, por causa da vossa presença; porque o SENHOR, vosso Deus, é Deus em cima nos céus e embaixo na terra.

agus a chuaigh i do theach isteach, mar is chun an tír go léir a bhrath a thángadar."

[4]Ach bhí an bheirt glactha chuici ag an mbean agus ceilte aici; dúirt sí dá bhrí sin: "Sea, tháinig fir chugam go deimhin, ach níorbh eol dom cárbh as dóibh

[5]agus nuair a bhí an geata le dúnadh le titim na hoíche, d'imíodar leo amach. Ní fheadar cár ghabh na fir; téigí sa tóir orthu go tapa mar béarfaidh sibh orthu."

[6]Ach thug sí suas ar dhíon an tí iad agus chuir i bhfolach iad faoi ghasa lín a bhí leagtha ina sraitheanna aici ar an díon.

[7]Chuaigh na fir sa tóir orthu ar feadh na slí chun na Iordáine chomh fada leis na háthanna. A luaithe a d'imigh an tóir amach, dúnadh an geata.

[8]Sula ndeachaigh an dream eile a luí, tháinig sí aníos ar an díon chucu

[9]agus dúirt sí leis na fir: "Tá a fhios agam gur thug an Tiarna an tír daoibh agus gur bhuail scanradh sinn romhaibh, agus gur thit an lug ar an lag ar dhúchasaigh na tíre romhaibh.

[10]Óir chualamar conas mar a thriomaigh an Tiarna uiscí Mhuir na nGiolcach romhaibh nuair a tháinig sibh as an Éigipt amach, agus cad a rinne sibh le beirt rí na nAmórach thar Iordáin thall, Síochon agus Óg; scrios sibh iad faoin mbang.

[11]A luaithe a chualamar an scéal, thit an lug ar an lag againn, agus níor fhan misneach ag aon duine de bhur mbarr; óir sé an Tiarna bhur nDia, is Dia ar neamh thuas agus ar talamh thíos.

[12] Agora, pois, jurai-me, vos peço, pelo SENHOR que, assim como usei de misericórdia para convosco, também dela usareis para com a casa de meu pai; e que me dareis um sinal certo

[13] de que conservareis a vida a meu pai e a minha mãe, como também a meus irmãos e a minhas irmãs, com tudo o que têm, e de que livrareis a nossa vida da morte.

38De threibh Ghád, Rámot i nGileád lena thalamh féaraigh, an chathair thearmainn don mharfóir, Machanaím lena thalamh féaraigh,

39Heisbeon lena thalamh féaraigh, Iazaer lena thalamh féaraigh - ceithre cathracha ar fad.

40Ba é an líon cathracha a tugadh, fine ar fhine, do shliocht Mharáraí, a raibh fágtha d'fhiní na Léivíteach is é sin, dhá chathair déag.

41Ba é an líon cathracha i gcríocha chlann Iosrael a bronnadh ar na Léivítigh, ocht gcathair agus daichead lena dtalamh féaraigh.

[42] cada uma das quais com seus arredores em torno de si; assim foi com todas estas cidades.

[43] Desta maneira, deu o SENHOR a Israel toda a terra que jurara dar a seus pais; e a possuíram e habitaram nela.

[44] O SENHOR lhes deu repouso em redor, segundo tudo quanto jurara a seus pais; nenhum de todos os seus inimigos resistiu diante deles; a todos eles o SENHOR lhes entregou nas mãos.

[45] Nenhuma promessa falhou de todas as boas palavras que o SENHOR falara à casa de Israel; tudo se cumpriu.

[42]Ghabh a talamh féaraigh máguaird le gach cathair díobhsan; mar sin a bhí ag gach cathair díobh.

[43]Ar an gcaoi sin bhronn an Tiarna ar Iosrael an talamh go léir a mhionnaigh sé dá n-aithreacha a thabharfadh sé dóibh; ghabhadar seilbh air agus chuireadar fúthu ann.

[44]Thug an Tiarna síocháin dóibh ar gach teorainn faoi mar a mhionnaigh sé dá n-aithreacha; níor éirigh le hoiread agus namhaid dá gcuid an fód a sheasamh ina n-aghaidh, mar gur chuir an Tiarna a naimhde go léir faoina mbois.

[45]Oiread agus gealltanas de na gealltanais fhónta go léir a thug an Tiarna do theaghlach Iosrael, níor theip; comhlíonadh gach ceann.

Josué 22

Josué abençoa e manda para casa as duas tribos e meia

[1] Então, Josué chamou os rubenitas, os gaditas e a meia tribo de Manassés

[2] e lhes disse: Tendes guardado tudo quando vos ordenou Moisés, servo do SENHOR, e também a mim me tendes obedecido em tudo quando vos ordenei.

[3] A vossos irmãos, durante longo tempo, até ao dia de hoje, não desamparastes; antes, tivestes o cuidado de guardar o mandamento do SENHOR, vosso Deus.

[4] Tendo o SENHOR, vosso Deus, dado repouso a vossos irmãos, como lhes havia prometido, voltai-vos, pois, agora, e ide-

Iósua 22

Filleann Treibheanna an Oirthir

[1]Chuir Iósua fios ar na Reúbaenaigh, ar na Gádaigh agus ar leath-threibh Mhanaise.

[2]Dúirt sé leo: “Tá gach ní a d'ordaigh Maois, óglach an Tiarna, daoibh curtha i gcrích agaibh; agus gach aon ordú a thug mise daoibh, thug sibh cluas do mo ghlór maidir leo.

[3]Níor thréig sibh bhur mbráithre le linn an fheachtais fhada seo, go dtí an lá seo féin, ach chomhlíon sibh go beacht orduithe an Tiarna, bhur nDia.

[4]Tá suaimhneas tugtha ag an Tiarna, bhur nDia, do bhur mbráithre mar a gheall sé dóibh. Filligí dá bhrí sin agus ar ais

vos para as vossas tendas, à terra da vossa possessão, que Moisés, servo do SENHOR, vos deu dalém do Jordão.

5 Tende cuidado, porém, de guardar com diligência o mandamento e a lei que Moisés, servo do SENHOR, vos ordenou: que ameis o SENHOR, vosso Deus, andeis em todos os seus caminhos, guardeis os seus mandamentos, e vos achegueis a ele, e o sirvais de todo o vosso coração e de toda a vossa alma.

6 Assim, Josué os abençoou e os despediu; e eles se foram para as suas tendas.

7 Ora, Moisés dera herança em Basã à meia tribo de Manassés; porém à outra metade deu Josué entre seus irmãos, daquém do Jordão, para o ocidente. E Josué, ao despedi-los para as suas tendas, os abençoou

8 e lhes disse: Voltais às vossas tendas com grandes riquezas, com muitíssimo gado, prata, ouro, bronze, ferro e muitíssima roupa; reparti com vossos irmãos o despojo dos vossos inimigos.

9 Assim, os filhos de Rúben, os filhos de Gade e a meia tribo de Manassés voltaram e se retiraram dos filhos de Israel em Siló, que está na terra de Canaã, para se irem à terra de Gileade, à terra da sua possessão, de que foram feitos possuidores, segundo o mandado do SENHOR, por intermédio de Moisés.

O altar junto ao Jordão

10 Vindo eles para os limites pegados ao Jordão, na terra de Canaã, ali os filhos de

abhaile libh mar a bhfuil bhur dtailte, na tailte a thug Maois, óglach an Tiarna, mar shealúchas daoibh lastall den Iordáin.

5Féachaigí chuige le barr cúraim go gcomhlíonfaidh sibh na haitheanta agus an dlí a thug Maois, óglach an Tiarna, daoibh; bíodh grá agaibh don Tiarna, bhur nDia, leanaigí ar a chosáin i gcónaí, comhlíonaigí a aitheanta, bígí dílis dó agus déanaigí seirbhís dó ó chroí go hiomlán agus ó anam go hiomlán.”

6Chuir Iósua a bheannacht orthu agus sheol uaidh iad agus d'imíodar leo abhaile.

7Bhí tailte i mBáiseán tugtha ag Maois do leath-threibh Mhanaise; don leath eile thug Iósua tailte eile i measc a mbráithre ar bhruach thiar na Iordáine. Nuair a bhí Iósua á seoladh abhaile, chuir sé a bheannacht orthu

8agus dúirt leo: “Tá sibh ag filleadh abhaile lena lán maoine, le mórchuid eallaigh, le hairgead agus ór, le cré-umha agus iarann agus le flúirse éidí. Déanaigí creach seo bhur naimhde a roinnt ar bhur mbráithre chomh maith.”

9D'imigh na Reúbaenaigh, na Gádaigh, agus leaththreibh Mhanaise abhaile arís. D'fhág siad clann Iosrael i Sileo i dtír Chanán, agus d'fhill ar ais ar dhúiche Ghileád, na tailte a bhain leo, mar ar chuir siad fúthu de réir mar a d'ordaigh an Tiarna dóibh ó bhéal Mhaois.

10Nuair a shroich siad na ciorcail chloch ag an Iordáin i gcríocha na gCanánach,

Rúben, os filhos de Gade e a meia tribo de Manassés edificaram um altar junto ao Jordão, altar grande e vistoso.

thóg na Reúbaenaigh, na Gádaigh agus leath-threibh Mhanaise altóir ag an Iordáin i gcríocha na gCanánach, altóir mhór thaibhseach.

11 Os filhos de Israel ouviram dizer: Eis que os filhos de Rúben, os filhos de Gade e a meia tribo de Manassés edificaram um altar defronte da terra de Canaã, nos limites pegados ao Jordão, do lado dos filhos de Israel.

11Fuair na hIosraelaigh gaoth an fhocail faoi seo: "Féach," a deirtí, "thóg na Reúbaenaigh, na Gádaigh agus leath-threibh Mhanaise altóir ar theorainn thír Chanán, in aice na gciorcal cloch ag an Iordáin, ar thaobh thailte na nIosraelach."

12 Ouvindo isto os filhos de Israel, ajuntou-se toda a congregação dos filhos de Israel em Siló, para saírem à peleja contra eles.

12Arna chlos sin dóibh, thionól pobal Iosrael go léir ag Sileo le fonn cogadh a chur orthu.

13 E aos filhos de Rúben, aos filhos de Gade e à meia tribo de Manassés enviaram os filhos de Israel, para a terra de Gileade, Finéias, filho de Eleazar, o sacerdote,

13Sheol clann Iosrael chun na Reúbaenach, na nGádach, agus leath-threibh Mhanaise i dtír Ghileád, Píneachás sagart, mac Eileázár,

14 e dez príncipes com ele, de cada casa paterna um príncipe de todas as tribos de Israel; e cada um era cabeça da casa de seus pais entre os grupos de milhares de Israel.

14agus, mar aon leis, deichniúr ceannairí, ceannaire agus ceann fine as gach treibh in Iosrael; ba cheann fine ar chlanna Iosrael gach duine díobh.

15 Indo eles aos filhos de Rúben, aos filhos de Gade e à meia tribo de Manassés, à terra de Gileade, falaram-lhes, dizendo:

15Nuair a tháinig siad chun na Reúbaenach, na nGádach, agus leaththreibh Mhanaise i dtír Ghileád, is é a dúirt siad seo leo:

16 Assim diz toda a congregação do SENHOR: Que infidelidade é esta, que cometestes contra o Deus de Israel, deixando, hoje, de seguir o SENHOR, edificando-vos um altar, para vos rebelardes contra o SENHOR?

16"Mar seo a deir comhthionól uile an Tiarna libh: 'Cén chealg í seo a rinne sibh in aghaidh Dia Iosrael? Cad ab áil libh ag casadh i leataobh ón Tiarna inniu, ag tógáil altóra agus ag déanamh ceannairce inniu in aghaidh an Tiarna?

17 Acaso, não nos bastou a iniqüidade de Peor, de que até hoje não estamos ainda

17Nár leor an peaca ag Peór, peaca nach bhfuil glanta ar fad dínn fós d'ainneoin na

purificados, posto que houve praga na congregação do SENHOR,

18 para que, hoje, abandoneis o SENHOR? Se, hoje, vos rebelais contra o SENHOR, amanhã, se irará contra toda a congregação de Israel.

19 Se a terra da vossa herança é imunda, passai-vos para a terra da possessão do SENHOR, onde habita o tabernáculo do SENHOR, e tomai possessão entre nós; não vos rebeleis, porém, contra o SENHOR, nem vos rebeleis contra nós, edificando-vos altar, afora o altar do SENHOR, nosso Deus.

20 Não cometeu Acã, filho de Zera, infidelidade no tocante às coisas condenadas? E não veio ira sobre toda a congregação de Israel? Pois aquele homem não morreu sozinho na sua iniqüidade.

21 Então, responderam os filhos de Rúben, os filhos de Gade e a meia tribo de Manassés e disseram aos cabeças dos grupos de milhares de Israel:

22 O Poderoso, o Deus, o SENHOR, o Poderoso, o Deus, o SENHOR, ele o sabe, e Israel mesmo o saberá. Se foi em rebeldia ou por infidelidade contra o SENHOR, hoje, não nos preserveis.

23 Se edificamos altar para nos apartarmos do SENHOR, ou para, sobre ele, oferecermos holocausto e oferta de

plá a tháinig dá bharr ar chomhthionól an Tiarna go léir?

18De bhrí gur chas sibh i leataobh ón Tiarna a leanúint inniu, agus ceannairc a dhéanamh inniu in aghaidh an Tiarna, beidh seisean i bhfearg le comhthionól Iosrael go léir amárach.

19An amhlaidh go bhfuil bhur bhfearann truaillithe? Tagaigí anall, más ea, go fearann an Tiarna mar a bhfuil Both an Tiarna ina seasamh anois, agus faighigí oidhreacht daoibh féin inár measc; ach ná déanaigí ceannairc in aghaidh an Tiarna, agus ná déanaigí lucht ceannairce dínne chomh maith, le haltóir a thógáil daoibh féin seachas altóir an Tiarna ár nDia.

20Nuair a rinne Ácán mac Zearach feall ar iontaoibh maidir leis an mbang, nár tháinig fearg an Tiarna ar chomhthionól Iosrael go léir? Ní hé féin amháin a scriosadh de bharr a pheaca.' ”

21Ansin mar fhreagra ar chinn finí Iosrael dúirt na Reúbaenaigh, na Gádaigh agus leath-threibh Mhanaise:

22“Dia na ndéithe, an Tiarna, Dia na ndéithe, is maith atá a fhios ag an Tiarna, agus bíodh a fhios ag Iosrael chomh maith: má rinneamar ceannairc nó feall in aghaidh an Tiarna, ná déanadh sé anacal orainn inniu;

23nó má thógamar altóir chun casadh i leataobh agus gan an Tiarna a leanúint, agus íobairtí uileloiscthe agus abhlanna

manjares, ou, sobre ele, fazermos oferta pacífica, o SENHOR mesmo de nós o demande.

[24] Pelo contrário, fizemos por causa da seguinte preocupação: amanhã vossos filhos talvez dirão a nossos filhos: Que tendes vós com o SENHOR, Deus de Israel?

[25] Pois o SENHOR pôs o Jordão por limite entre nós e vós, ó filhos de Rúben e filhos de Gade; não tendes parte no SENHOR; e, assim, bem poderiam os vossos filhos apartar os nossos do temor do SENHOR.

[26] Pelo que dissemos: preparemo-nos, edifiquemos um altar, não para holocausto, nem para sacrifício,

[27] mas, para que entre nós e vós e entre as nossas gerações depois de nós, nos seja testemunho, e possamos servir ao SENHOR diante dele com os nossos holocaustos, e os nossos sacrifícios, e as nossas ofertas pacíficas; e para que vossos filhos não digam amanhã a nossos filhos: Não tendes parte no SENHOR.

[28] Pelo que dissemos: quando suceder que, amanhã, assim nos digam a nós e às nossas gerações, então, responderemos: vede o modelo do altar do SENHOR que fizeram nossos pais, não para holocausto, nem para sacrifício, mas para testemunho entre nós e vós.

[29] Longe de nós o rebelarmo-nos contra o SENHOR e deixarmos, hoje, de seguir o SENHOR, edificando altar para

agus íobairtí comaoineach a ofráil uirthi, go ndéana an Tiarna féin é a agairt orainn!

[24]Ach le fírinne, rinneamar é le heagla go ndéarfadh bhur gclannsa lá éigin lenár gclannna: 'Cén bhaint atá agaibhse leis an Tiarna, Dia Iosrael?

[25]Nach ndearna an Tiarna teorainn den Iordáin idir sinne agus sibhse, a chlann Reúbaen agus a chlann Ghád? Níl cuid agaibh sa Tiarna.' Ar an gcaoi sin d'fhéadfadh bhur gclannsa a chosc ar ár gclann-na seirbhís a thabhairt don Tiarna.

[26]Dúramar dá bhrí sin: 'Tógaimís altóir anois, ní le haghaidh ofrálacha uileloiscthe ná íobairtí,

[27]ach le bheith ina finné, idir sinne agus sibhse agus idir ár sliocht inár ndiaidh, go dtugaimid seirbhís don Tiarna lenár n-íobairtí uileloiscthe agus ár n-abhlanna agus ár n-íobairtí comaoineach ina láthair, le heagla go mba fhéidir le bhur gclannsa a rá lenár gclann-na: "Níl cuid agaibh sa Tiarna.' "

[28]Mheasamar dá ndéarfaí a leithéid sin linn féin nó lenár sliocht lá éigin le teacht, go ndéarfaimís: 'Féach, an macasamhail seo d'altóir an Tiarna a rinne ár n-aithreacha, ní le haghaidh ofrálacha uileloiscthe ná íobairtí, ach le bheith ina finné idir sibhse agus sinne.'

[29]I bhfad uainne ceannairc a dhéanamh in aghaidh an Tiarna, nó casadh i leataobh agus gan an Tiarna a leanúint trí altóir a

holocausto, oferta de manjares ou sacrifício, afora o altar do SENHOR, nosso Deus, que está perante o seu tabernáculo.

[30] Ouvindo, pois, Finéias, o sacerdote, e os príncipes da congregação, e os cabeças dos grupos de milhares de Israel que com ele estavam as palavras que disseram os filhos de Rúben, os filhos de Gade e os filhos de Manassés, deram-se por satisfeitos.

[31] E disse Finéias, filho de Eleazar, o sacerdote, aos filhos de Rúben, aos filhos de Gade e aos filhos de Manassés: Hoje, sabemos que o SENHOR está no meio de nós, porquanto não cometestes infidelidade contra o SENHOR; agora, livrastes os filhos de Israel da mão do SENHOR.

[32] Finéias, filho do sacerdote Eleazar, e os príncipes, deixando os filhos de Rúben e os filhos de Gade, voltaram da terra de Gileade para a terra de Canaã, aos filhos de Israel, e deram-lhes conta de tudo.

[33] Com esta resposta deram-se por satisfeitos os filhos de Israel, os quais bendisseram a Deus; e não falaram mais de subir a pelejar contra eles, para destruírem a terra em que habitavam os filhos de Rúben e os filhos de Gade.

[34] Os filhos de Rúben e os filhos de Gade chamaram o altar de Testemunho, porque disseram: É um testemunho entre nós de que o SENHOR é Deus.

Josué 23

Josué exorta o povo a observar a Lei do Senhor

thógáil d'íobairt uileloiscthe nó d'abhlanna, nó d'íobairt chomaoineach, seachas altóir an Tiarna, ár nDia, a sheasann os comhair a bhotha!”

[30]Nuair a chuala Píneachás sagart agus ceannairí an chomhthionóil, cinn finí Iosrael, a bhí in éineacht leis, na focail a dúirt clann Reúbaen, clann Ghád, agus clann Mhanaise, d'aontaíodar leo le fonn.

[31]Ansin dúirt Píneachás mac Eileázár sagart le clann Reúbaen, clann Ghád, agus clann Mhanaise: “Tá a fhios againn go dianmhaith anois go bhfuil an Tiarna inár measc, mar ní dhearna sibh an feall seo ar an Tiarna; tá clann Iosrael, más ea, fuascailte agaibh ó láimh an Tiarna.”

[32]Ansín d'fhág Píneachás sagart, mac Eileázár, agus na ceannairí slán ag clann Reúbaen agus ag clann Ghád agus d'fhill ó thír Ghileád ar thír Chanán agus ar chlann Iosrael agus thug tuairisc dóibh.

[33]Thaitin an tuairisc seo le clann Iosrael, agus ghabh siad buíochas leis an Tiarna, agus bhí deireadh acu le caint ar chogadh a chur orthu, agus ar an tír inar chuir clann Reúbaen agus clann Ghád fúthu a chreachadh.

[34]Thug clann Reúbaen agus clann Ghád [Finné] mar ainm ar an altóir, “Mar,” ar siad, “beidh sí ina finné eadrainn gurb é an Tiarna is Dia.”

Iósua 23

Teachtaireacht Deiridh Iósua dá Phobal

[1] Passado muito tempo depois que o SENHOR dera repouso a Israel de todos os seus inimigos em redor, e sendo Josué já velho e entrado em dias,

[2] chamou Josué a todo o Israel, os seus anciãos, os seus cabeças, os seus juízes e os seus oficiais e disse-lhes: Já sou velho e entrado em dias,

[3] e vós já tendes visto tudo quanto fez o SENHOR, vosso Deus, a todas estas nações por causa de vós, porque o SENHOR, vosso Deus, é o que pelejou por vós.

[4] Vede aqui que vos fiz cair em sorte às vossas tribos estas nações que restam, juntamente com todas as nações que tenho eliminado, umas e outras, desde o Jordão até ao mar Grande, para o pôr-do-sol.

[5] O SENHOR, vosso Deus, as afastará de vós e as expulsará de vossa presença; e vós possuireis a sua terra, como o SENHOR, vosso Deus, vos prometeu.

[6] Esforçai-vos, pois, muito para guardardes e cumprirdes tudo quanto está escrito no Livro da Lei de Moisés, para que dela não vos aparteis, nem para a direita nem para a esquerda;

[7] para que não vos mistureis com estas nações que restaram entre vós. Não façais menção dos nomes de seus deuses, nem por eles façais jurar, nem os sirvais, nem os adoreis.

[1]I bhfad ina dhiaidh sin, nuair a bhí suaimhneas tugtha ag an Tiarna d'Iosrael ó chiapadh a naimhde go léir ina dtimpeall, agus Iósua féin ina sheanduine anonn go maith sna blianta,

[2]chuir Iósua tionól ar Iosrael go léir, ar a seanóirí, a dtaoisigh, a mbreithiúna agus a bhfeidhmeannaigh, agus dúirt sé leo: “Seanduine mise anois, anonn go maith sna blianta.

[3]Chonaic sibhse féin le bhur súile cinn na nithe sin go léir a rinne an Tiarna ár nDia leis na ciníocha seo go léir. An Tiarna bhur nDia a throid ar bhur son.

[4]Dháil mé oraibh, mar oidhreacht do bhur dtreibheanna, na ciníocha atá fós gan cloí chomh maith leo sin go léir a scrios mé idir an Iordáin agus an Fharraige Mhór thiar.

[5]Déanfaidh an Tiarna bhur nDia iad a thiomáint amach romhaibh, agus iad a dhíbirt ó bhur láthair, agus gheobhaidh sibh seilbh ar an talamh mar a gheall an Tiarna bhur nDia daoibh.

[6]Seasaigí an fód dá bhrí sin agus déanaigí agus comhlíonaigí a bhfuil scríofa i leabhar dlí Mhaois, gan claonadh ar dheis uaidh, ná ar chlé,

[7]ná caidreamh a dhéanamh leis na ciníocha atá fágtha fós in bhur measc, ná ainmneacha a ndéithe a lua, ná mionnú dar iad, ná fónamh dóibh, ná sléachtadh rompu.

[8] Mas ao SENHOR, vosso Deus, vos apegareis, como fizestes até ao dia de hoje;

[8]Ach bígí dílis don Tiarna bhur nDia mar a bhí sibh go dtí an lá seo féin.

[9] pois o SENHOR expulsou de diante de vós grandes e fortes nações; e, quanto a vós outros, ninguém vos resistiu até ao dia de hoje.

[9]Óir dhíbir an Tiarna ciníocha móra tréana romhaibh agus níorbh fhéidir d'aon duine an fód a sheasamh in bhur n-aghaidhse go dtí inniu féin.

[10] Um só homem dentre vós perseguirá mil, pois o SENHOR, vosso Deus, é quem peleja por vós, como já vos prometeu.

[10]Cuireann duine agaibh an teitheadh ar mhíle, mar is é an Tiarna bhur nDia a throideann ar bhur son, faoi mar gheall sé daoibh.

[11] Portanto, empenhai-vos em guardar a vossa alma, para amardes o SENHOR, vosso Deus.

[11]Déanaigí deimhin de, más ansa libh bhur n-anam, grá a thabhairt don Tiarna bhur nDia.

[12] Porque, se dele vos desviardes e vos apegardes ao restante destas nações ainda em vosso meio, e com elas vos aparentardes, e com elas vos misturardes, e elas convosco,

[12]Má bhíonn sibh mídhílis agus caidreamh a dhéanamh le fuíoll na gciníocha a fágadh anseo in bhur measc, agus cleamhnais a dhéanamh leo i dtreo go bpósfaidh sibh a gcuid ban agus go bpósfaidh siadsan bhur gcuidse,

[13] sabei, certamente, que o SENHOR, vosso Deus, não expulsará mais estas nações de vossa presença, mas vos serão por laço e rede, e açoite às vossas ilhargas, e espinhos aos vossos olhos, até que pereçais nesta boa terra que vos deu o SENHOR, vosso Deus.

[13]bíodh a fhios agaibh go dearfa nach leanfaidh an Tiarna bhur nDia air ag díbirt na gciníocha seo romhaibh; beidh siad mar ghaiste agus mar shlogaide agaibh, mar sciúirse ar bhur maotháin agus mar dhealg in bhur súile go dté sibh ar ceal ón tír fhónta seo a thug an Tiarna daoibh.

[14] Eis que, já hoje, sigo pelo caminho de todos os da terra; e vós bem sabeis de todo o vosso coração e de toda a vossa alma que nem uma só promessa caiu de todas as boas palavras que falou de vós o SENHOR, vosso Deus; todas vos sobrevieram, nem uma delas falhou.

[14]“Ní foláir domsa anois bealach na cré go léir a ghabháil. Déanadh gach mac máthar díbh a admháil ó chroí agus ó anam, nár theip ar oiread agus gealltanas de na gealltanais go léir a thug an Tiarna bhur nDia in bhur dtaobh; comhlíonadh iad go léir, gan ceann a theip.

[15] E sucederá que, assim como vieram sobre vós todas estas boas coisas que o SENHOR, vosso Deus, vos prometeu, assim cumprirá o SENHOR contra vós outros todas as ameaças até vos destruir de sobre a boa terra que vos deu o SENHOR, vosso Deus.

[16] Quando violardes a aliança que o SENHOR, vosso Deus, vos ordenou, e fordes, e servirdes a outros deuses, e os adorardes, então, a ira do SENHOR se acenderá sobre vós, e logo perecereis na boa terra que vos deu.

[15]Ach má comhlíonadh daoibh gach gealltanas fónta a thug an Tiarna bhur nDia daoibh, comhlíonfaidh an Tiarna chomh maith gach urchóid atá á bagairt aige oraibh, go fiú sibh a scrios as an tír fhónta a thug an Tiarna bhur nDia daoibh.

[16]Má bhriseann sibh an conradh a d'éiligh an Tiarna bhur nDia oraibh, agus dul agus fónamh do dhéithe eile agus sléachtadh dóibh, ansin déanfar fearg an Tiarna a adhaint in bhur gcoinne, agus scriosfar sibh go tapa de dhroim na tíre fónta a thug sé daoibh."

Josué 24

Josué despede-se do povo

[1] Depois, reuniu Josué todas as tribos de Israel em Siquém e chamou os anciãos de Israel, os seus cabeças, os seus juízes e os seus oficiais; e eles se apresentaram diante de Deus.

[2] Então, Josué disse a todo o povo: Assim diz o SENHOR, Deus de Israel: Antigamente, vossos pais, Tera, pai de Abraão e de Naor, habitaram dalém do Eufrates e serviram a outros deuses.

[3] Eu, porém, tomei Abraão, vosso pai, dalém do rio e o fiz percorrer toda a terra de Canaã; também lhe multipliquei a descendência e lhe dei Isaque.

[4] A Isaque dei Jacó e Esaú e a Esaú dei em possessão as montanhas de Seir; porém Jacó e seus filhos desceram para o Egito.

Iósua 24

An Tionól Mór i Seicim

[1]Chuir Iósua tionól ar threibheanna uile Iosrael go Seicim, agus ghair sé chuige seanóirí agus taoisigh agus breithiúna agus feidhmeannaigh Iosrael, agus tháinig siad i láthair Dé.

[2]Ansin dúirt Iósua leis an bpobal uile: "Mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael: 'Bhí cónaí ar bhur n-aithreacha taobh thall den Abhainn anallód - Tearach, is é sin, athair Abrahám agus Náchór - agus rinneadar fónamh do dhéithe eile.

[3]Ansin thóg mé bhur n-athair Abrahám ón taobh eile den Abhainn anall, á threorú trí thír uile Chanán. Mhéadaigh mé a shliocht agus thug mé Íosác do.

[4]Thug mé Iacób agus Éasaú d'Íosác. Thug mé sléibhte Shaeír le sealbhú d'Éasaú, ach chuaigh Iacób agus a chlann síos chun na hÉigipte.

5 Então, enviei Moisés e Arão e feri o Egito com o que fiz no meio dele; e, depois, vos tirei de lá.

5Ansin chuir mé uaim Maois agus Árón, gur chráigh mé an Éigipt leis na héachtaí a rinne mé ina measc; agus ina dhiaidh sin thug mé sibhse amach.

6 Tirando eu vossos pais do Egito, viestes ao mar; os egípcios perseguiram vossos pais, com carros e com cavaleiros, até ao mar Vermelho.

6Thug mé bhur n-aithreacha amach as an Éigipt agus tháinig sibhse chun na Farraige; chuaigh na hÉigiptigh sa tóir ar bhur n-aithreacha le carbaid agus le marcshlua nó gur shroicheadar Muir na nGiolcach.

7 E, clamando vossos pais, o SENHOR pôs escuridão entre vós e os egípcios, e trouxe o mar sobre estes, e o mar os cobriu; e os vossos olhos viram o que eu fiz no Egito. Então, habitastes no deserto por muito tempo.

7Nuair a ghlaoigh siad ar an Tiarna ansiúd, chuir sé scamall dorcha idir sibh agus na hÉigiptigh agus thug ar an muir teacht anuas sa mhullach orthu agus iad a bhá. Chonaic sibh a ndearna mé ar an Éigipt le bhur súile cinn féin, agus mhair sibh san fhásach ar feadh i bhfad.

8 Daí eu vos trouxe à terra dos amorreus, que habitavam dalém do Jordão, os quais pelejaram contra vós outros; porém os entreguei nas vossas mãos, e possuístes a sua terra; e os destruí diante de vós.

8Thug mé ina dhiaidh sin sibh go críoch na nAmórach, cine a bhí lonnaithe ar an taobh thall den Iordáin. Throid siadsan libh agus thug mé ar láimh daoibh iad ionas gur ghlac sibh seilbh ar a dtír mar gur scrios mé romhaibh iad.

9 Levantou-se, também, o rei de Moabe, Balaque, filho de Zipor, e pelejou contra Israel; mandou chamar Balaão, filho de Beor, para que vos amaldiçoasse.

9Ansin is ea a d'eirigh Bálác mac Zipeor, rí Mhóáb, gur chuir sé cogadh ar Iosrael. Chuir sé fios ar Bhalám mac Bheór á iarraidh air mallacht a chur oraibh.

10 Porém eu não quis ouvir Balaão; e ele teve de vos abençoar; e, assim, vos livrei da sua mão.

10Ach ní éistfinn le Balám agus is amhlaidh a bheannaigh sé sibh, agus mar sin shaor mé óna láimh sibh.

11 Passando vós o Jordão e vindo a Jericó, os habitantes de Jericó pelejaram contra vós outros e também os amorreus, os ferezeus, os cananeus, os heteus, os

11Ghabh sibh thar an Iordáin ansin gur bhain sibh Ireachó amach. Chuir muintir Ireachó cath oraibh, rud freisin a rinne na hAmóraigh, na Pirizigh, na Canánaigh, na Hitigh, na Giorgáisigh, na Hivigh, na

girgaseus, os heveus e os jebuseus; porém os entreguei nas vossas mãos.

12 Enviei vespões adiante de vós, que os expulsaram da vossa presença, bem como os dois reis dos amorreus, e isso não com a tua espada, nem com o teu arco.

13 Dei-vos a terra em que não trabalhastes e cidades que não edificastes, e habitais nelas; comeis das vinhas e dos olivais que não plantastes.

Renovação da aliança

14 Agora, pois, temei ao SENHOR e servi-o com integridade e com fidelidade; deitai fora os deuses aos quais serviram vossos pais dalém do Eufrates e no Egito e servi ao SENHOR.

15 Porém, se vos parece mal servir ao SENHOR, escolhei, hoje, a quem sirvais: se aos deuses a quem serviram vossos pais que estavam dalém do Eufrates ou aos deuses dos amorreus em cuja terra habitais. Eu e a minha casa serviremos ao SENHOR.

16 Então, respondeu o povo e disse: Longe de nós o abandonarmos o SENHOR para servirmos a outros deuses;

17 porque o SENHOR é o nosso Deus; ele é quem nos fez subir, a nós e a nossos pais, da terra do Egito, da casa da servidão, quem fez estes grandes sinais aos nossos olhos e nos guardou por todo o caminho em que andamos e entre todos os povos pelo meio dos quais passamos.

Iabusaigh; ach thug mé iad go léir ar láimh daoibh.

12Chuir mé an cearnabhán chun tosaigh oraibh a ruaig an dá rí Amóracha romhaibh amach; níorbh é do chlaíomh ná do bhogha a rinne é sin.

13Thug mé daoibh dúiche nár shaothraigh sibh féin inti, agus cathracha nach sibh a thóg iad, bíodh go gcónaíonn sibh iontu anois; itheann sibh toradh fíonghort agus garrán ológ nár phlandaigh sibh féin.’

14“Bíodh eagla oraibh roimh an Tiarna anois dá bhrí sin agus fónaigí dó go dílis dáiríre. Cuirigí uaibh na déithe dá ndearna bhur n-aithreacha fónamh taobh thall den Abhainn agus san Éigipt, agus déanaigí fónamh don Tiarna.

15Ach mura mian libh fónamh don Tiarna, déanaigí bhur rogha inniu idir na déithe dá ndearna bhur n-aithreacha fónamh taobh thall den Abhainn, agus déithe na nAmórach a gcónaíonn sibh ina ndúiche anois, le fónamh dóibh. Maidir liom féin agus le mo theaghlach, ámh, déanfaimid fónamh don Tiarna.”

16Dúirt an pobal ansin á fhreagairt: “Nár lige Dia go dtréigfimís an Tiarna chun fónamh do dhéithe eile!

17Nach é an Tiarna ár nDia a thug sinne agus ár sinsir aníos as tír na hÉigipte agus as teach na daoirse agus a rinne na héachtaí sin inár bhfianaise, agus a chumhdaigh sinn san uile shlí a ndeachamar, agus i measc na gciníocha go léir trínar ghabhamar?

[18] O SENHOR expulsou de diante de nós todas estas gentes, até o amorreu, morador da terra; portanto, nós também serviremos ao SENHOR, pois ele é o nosso Deus.

[19] Então, Josué disse ao povo: Não podereis servir ao SENHOR, porquanto é Deus santo, Deus zeloso, que não perdoará a vossa transgressão nem os vossos pecados.

[20] Se deixardes o SENHOR e servirdes a deuses estranhos, então, se voltará, e vos fará mal, e vos consumirá, depois de vos ter feito bem.

[21] Então, disse o povo a Josué: Não; antes, serviremos ao SENHOR.

[22] Josué disse ao povo: Sois testemunhas contra vós mesmos de que escolhestes o SENHOR para o servir. E disseram: Nós o somos.

[23] Agora, pois, deitai fora os deuses estranhos que há no meio de vós e inclinai o coração ao SENHOR, Deus de Israel.

[24] Disse o povo a Josué: Ao SENHOR, nosso Deus, serviremos e obedeceremos à sua voz.

[25] Assim, naquele dia, fez Josué aliança com o povo e lha pôs por estatuto e direito em Siquém.

A pedra-testemunha

[18]Agus rud eile dhe, is é an Tiarna a thiomáin romhainn na ciníocha sin go léir, mar aon leis na hAmóraigh a raibh cónaí orthu sa tír. Uime sin a dhéanfaimidne mar an gcéanna fónamh don Tiarna óir is é ár nDia é."

[19]Dúirt Iósua leis an bpobal ansin: "Ní féidir daoibh fónamh don Tiarna, óir is Dia naofa é; is Dia éadmhar é nach maithfidh daoibh bhur gcionta ná bhur bpeacaí.

[20]Má thréigeann sibh an Tiarna chun fónamh do dhéithe coimhthíocha, iompóidh seisean oraibh agus déanfaidh sé dochar daoibh agus díothóidh sé sibh tar éis a ndearna sé de mhaith daoibh."

[21]Dúirt an pobal le Iósua: "Ní hea! Is don Tiarna a dhéanfaimid fónamh."

[22]Dúirt Iósua leis an bpobal ansin: "Is finnéithe sibh in bhur n-aghaidh féin go bhfuil an Tiarna tofa agaibh chun fónamh dó." Agus dúirt siadsan: "Is finnéithe sinn."

[23]"Cuirigí uaibh más ea," ar seisean, "na déithe coimhthíocha atá agaibh agus tugaigí bhur gcroí don Tiarna, Dia Iosrael."

[24]D'fhreagair an pobal Iósua: "Is don Tiarna ár nDia a dhéanfaimid fónamh, agus is dá ghuth siúd a bheimid umhal."

An Conradh

[25]Uime sin rinne Iósua conradh leis an bpobal an lá sin, agus leag sé síos reachtanna agus foraitheanta dóibh ag Seicim.

[26] Josué escreveu estas palavras no Livro da Lei de Deus; tomou uma grande pedra e a erigiu ali debaixo do carvalho que estava em lugar santo do SENHOR.

[27] Disse Josué a todo o povo: Eis que esta pedra nos será testemunha, pois ouviu todas as palavras que o SENHOR nos tem dito; portanto, será testemunha contra vós outros para que não mintais a vosso Deus.

[28] Então, Josué despediu o povo, cada um para a sua herança.

A morte de Josué e de Eleazar

Juízes 2.6-9

[29] Depois destas coisas, sucedeu que Josué, filho de Num, servo do SENHOR, faleceu com a idade de cento e dez anos.

[30] Sepultaram-no na sua própria herança, em Timnate-Sera, que está na região montanhosa de Efraim, para o norte do monte Gaás.

[31] Serviu, pois, Israel ao SENHOR todos os dias de Josué e todos os dias dos anciãos que ainda sobreviveram por muito tempo depois de Josué e que sabiam todas as obras feitas pelo SENHOR a Israel.

[32] Os ossos de José, que os filhos de Israel trouxeram do Egito, enterraram-nos em Siquém, naquela parte do campo que Jacó comprara aos filhos de Hamor, pai de Siquém, por cem peças de prata, e que veio a ser a herança dos filhos de José.

[33] Faleceu também Eleazar, filho de Arão, e o sepultaram em Gibeá, pertencente a

[26]Agus scríobh Iósua na briathra sin i leabhar dhlí Dé. Agus thóg sé gallán mór agus chuir sé ina sheasamh ansin é faoin dair a bhí i sanctóir an Tiarna.

[27]Agus dúirt Iósua leis an bpobal go léir: “Féach! Beidh an gallán seo mar fhianaise inár n-aghaidh, óir chuala sé na briathra go léir a labhair an Tiarna linn; uime sin beidh sé ina fhinné in bhur n-aghaidh má shéanann sibh bhur nDia.”

[28]Scaoil Iósua na daoine ar shiúl uaidh ansin agus d'fhill gach duine ar a oidhreacht féin.

Breiseanna

[29]Tar éis na nithe sin d'éag Iósua mac Nún seirbhíseach an Tiarna nuair a bhí deich mbliana agus céad slán aige.

[30]Rinneadar é a adhlacadh san oidhreacht a fuair sé i dTimneát Searach atá in ardáin Eafráim lastuaidh de Shliabh Gháis.

[31]Rinne Iosrael fónamh don Tiarna i gcaitheamh shaol Iósua, agus shaol na seanóirí a mhair níos déanaí ná é, agus a raibh eolas acu ar na héachtaí go léir a rinne an Tiarna ar mhaithe le hIosrael.

[32]Cnámha Iósaef a thug clann Iosrael aneas ón Éigipt leo, adhlacadh iad i Seicim, sa phaiste talún a cheannaigh Iacób ó chlann Hamór, athair Sheicim, ar chéad píosa airgid; rinne oidhreacht de chuid chlann Iósaef de.

[33]Ansin d'éag Eileázár mac Árón agus adhlacadh é i nGibeá, cathair a mhic,

Finéias, seu filho, a qual lhe fora dada na região montanhosa de Efraim.

Píneachás, cathair a tugadh dó in ardáin Eafráim.

Juízes	Breithiúna

Juízes 1

A Guerra contra os Cananeus Restantes

[1]Depois da morte de Josué, os israelitas perguntaram ao Senhor: “Quem de nós será o primeiro a atacar os cananeus?”

[2]O Senhor respondeu: “Judá será o primeiro; eu entreguei a terra em suas mãos”.

[3]Então os homens de Judá disseram aos seus irmãos de Simeão: “Venham conosco ao território que nos foi designado por sorteio, e lutemos contra os cananeus. Iremos juntos para o território”. E os homens de Simeão foram com eles.

[4]Quando os homens de Judá atacaram, o Senhor entregou os cananeus e os ferezeus nas mãos deles, e eles mataram dez mil homens em Bezeque.

[5]Foi lá que encontraram Adoni-Bezeque, lutaram contra ele e derrotaram os cananeus e os ferezeus.

[6]Adoni-Bezeque fugiu, mas eles o perseguiram e o prenderam, e lhe cortaram os polegares das mãos e dos pés.

[7]Então Adoni-Bezeque disse: “Setenta reis com os polegares das mãos e dos pés cortados apanhavam migalhas debaixo da minha mesa. Agora Deus me retribuiu aquilo que lhes fiz”. Eles o levaram para Jerusalém, onde morreu.

Breithiúna 1

An Chéad Réamhrá

[1]Tar éis bháis do Iósua chuaigh clann Iosrael i gcomhairle leis an Tiarna, á fhiafraí: “Cé acu againn is túisce a rachaidh in aghaidh na gCanánach le hionsaí a dhéanamh orthu?”

[2]D'fhreagair an Tiarna: “Bíodh Iúdá ar an gcéad duine a rachaidh suas; féach tá an tír tugtha ar láimh agam dó.”

[3]Ansin dúirt Iúdá lena dheartháir Simeon: “Téanam liomsa isteach sa dúiche a dáileadh orm, d'fhonn go gcuirfimís cath ar na Canánaigh; rachaidh mise ansin in éineacht leatsa isteach sa dúiche a dáileadh ortsa.” Mhairseáil Simeon in éineacht leis dá bhrí sin.

[4]Ghabh Iúdá suas mar sin agus thug an Tiarna na Canánaigh agus na Pirizigh ar láimh dóibh; chuireadar an ruaig ar dheich míle fear ag Beizic.

[5]Tharla siad ar Adónaí Beizic i mBeizic; chuireadar cath air agus bhriseadar ar na Canánaigh agus ar na Pirizigh.

[6]Theith Adónaí Beizic, ach chuadar sa tóir air, rugadar air agus bhaineadar ordóga a lámh agus a chos de.

[7]Ansin dúirt Adónaí Beizic: “Deichniúr rí agus trí fichid, agus ordóga lámh agus a gcos gearrtha díobh, bhídís faoi mo bhord ag bailiú bruscair an bhia; chúitigh Dia liomsa de réir mar a rinne mé le daoine eile.” Tugadh go Iarúsailéim é, agus fuair sé bás ansiúd.

[8]Os homens de Judá atacaram também Jerusalém e a conquistaram. Mataram seus habitantes ao fio da espada e a incendiaram.

[8](Thug clann Iúdá faoi Iarúsailéim agus ghabhadar é. Chuir siad muintir na cathrach chun báis agus an chathair trí thine.)

[9]Depois disso eles desceram para lutar contra os cananeus que viviam na serra, no Neguebe e na Sefelá.

[9]Ina dhiaidh sin ghabh clann Iúdá síos chun catha a chur ar na Canánaigh a bhí ag cur fúthu sna hardáin, sa Neigib agus sna hísleáin.

[10]Avançaram contra os cananeus que viviam em Hebrom, anteriormente chamada Quiriate-Arba, e derrotaram Sesai, Aimã e Talmai.

[10]Agus d'ionsaigh Iúdá na Canánaigh a bhí ag cur fúthu i Heabrón - Ciriat Arba a ba ainm do Heabrón anallód - agus chloíodar Séisí agus Aichímeán agus Talmai.

[11]Dali avançaram contra o povo que morava em Debir, anteriormente chamada Quiriate-Sefer.

[11]Ghabhadar as sin ar aghaidh i gcoinne mhuintir Dheibír - Ciriat Seifir a thugtaí ar Dheibír roimhe sin.

[12]E disse Calebe: “Darei minha filha Acsa em casamento ao homem que atacar e conquistar Quiriate-Sefer”.

[12]Dúirt Cálaeb: “An té a dhéanfaidh Ciriat Seifir a ionsaí agus a ghabháil, tabharfaidh mé Acsá m'iníon mar bhean dó.”

[13]Otoniel, filho de Quenaz, irmão mais novo de Calebe, conquistou a cidade; por isso Calebe lhe deu sua filha Acsa por mulher.

[13]Agus ba é Oitníéil mac Canoz, deartháir a ba óige ná Iósua, a ghabh é agus thug sé dó Acsá a iníon mar bhean.

[14]Um dia, quando já vivia com Otoniel, ela o persuadiu a pedir um campo ao pai dela. Assim que ela desceu do jumento, Calebe lhe perguntou: “O que você quer?”

[14]Nuair a tháinig sí chuige, thathain [sé uirthi] gort a lorg ar a hathair. Phreab sí anuas dá hasal agus d'fhiafraigh Cálaeb di: “Cad tá uait?”

[15]Ela respondeu: “Dê-me um presente. Já que o senhor me deu terras no Neguebe, dê-me também fontes de água”. E Calebe lhe deu as fontes superiores e as inferiores.

[15]“Tabhair aisce dom; os rud é gur dhíbir tú mé go dúiche an Neigib, tabhair dom toibreacha éigin uisce freisin,” ar sí leis. Agus thug Cálaeb di na toibreacha uachtaracha agus na toibreacha íochtaracha.

[16]Os descendentes do sogro de Moisés, o queneu, saíram da Cidade das Palmeiras com os homens de Judá e

[16]Ghabh clann Hobab an Céineach, athair céile Mhaois, suas le clann Iúdá ó chathair na bPailmeacha go fásach Iúdá sa Neigib i

passaram a viver no meio do povo do deserto de Judá, no Neguebe, perto de Arade.

gcóngar Arád, ach d'imíodar agus chuireadar fúthu leis [na hAmailéicigh].

17Depois os homens de Judá foram com seus irmãos de Simeão e derrotaram os cananeus que viviam em Zefate e destruíram totalmente a cidade. Por essa razão ela foi chamada Hormá.

17Chuir Iúdá chun bealaigh ansin lena dheartháir Simeon agus bhriseadar ar na Canánaigh a bhí ag cur fúthu i Zafat agus chuireadar an áit faoin mbang; uime sin a tugadh Hormá ar an gcathair.

18Os homens de Judá também conquistaram Gaza, Ascalom e Ecrom, com os seus territórios.

18[Níor] ghabh Iúdá Gazá lena thailte, ná Aiscileon lena thailte, ná Eacrón lena thailte.

19O Senhor estava com os homens de Judá. Eles ocuparam a serra central, mas não conseguiram expulsar os habitantes dos vales, pois estes possuíam carros de guerra feitos de ferro.

19Bhí an Tiarna le Iúdá agus ghabh sé na hardáin ach theip air an mhuintir a bhí ag cur fúthu sa mhachaire a chloí mar bhí carbaid iarainn acu.

20Conforme Moisés havia prometido, Hebrom foi dada a Calebe, que expulsou de lá os três filhos de Enaque.

20Tugadh Heabrón do Chálaeb de réir mar a dúirt Maois mar gur dhíbir sé triúr mac Anác as.

21Já os benjamitas deixaram de expulsar os jebuseus que estavam morando em Jerusalém. Os jebuseus vivem ali com os benjamitas até o dia de hoje.

21Ach theip ar chlann Bhiniáimin na Iabúsaigh a bhí ina gcónaí i Iarúsailéim a dhíbirt; tá na Iabúsaigh mar sin ina gcónaí le clann Bhiniáimin go dtí an lá inniu in Iarúsailéim.

22Os homens das tribos de José, por sua vez, atacaram Betel, e o Senhor estava com eles.

22Ghabh teaghlach Iósaef suas mar an gcéanna i gcoinne Bhéitéil, agus bhí an Tiarna leo.

23Enviaram espias a Betel, anteriormente chamada Luz.

23Rinne teaghlach Iósaef Béitéil a thaiscéaladh - Lúz a thugtaí ar an gcathair roimhe sin.

24Quando os espias viram um homem saindo da cidade, disseram-lhe: “Mostre-nos como entrar na cidade, e nós pouparemos a sua vida”.

24Chonaic an lucht taiscéalta fear ag teacht amach ón gcathair. “Má thaispeánann tú an tslí isteach sa chathair dúinn,” ar siad leis, “déanfaimid anacal anama ort.”

[25]Ele mostrou como entrar, e eles mataram os habitantes da cidade ao fio da espada, mas pouparam o homem e toda a sua família.

[25]Agus thaispeáin sé an tslí isteach sa chathair dóibh agus d'imríodar faobhar claímh ar mhuintir na cathrach, ach ligeadar don fhear agus dá chlann go léir imeacht.

[26]Ele foi, então, para a terra dos hititas, onde fundou uma cidade e lhe deu o nome de Luz, que é o seu nome até o dia de hoje.

[26]D'imigh an fear úd leis go críocha na Hiteach agus bhunaigh sé cathair ar ar thug sé Lúz; sin é is ainm di go dtí an lá inniu.

[27]Manassés, porém, não expulsou o povo de Bete-Seã, o de Taanaque, o de Dor, o de Ibleã, o de Megido, nem tampouco o dos povoados ao redor dessas cidades, pois os cananeus estavam decididos a permanecer naquela terra.

[27]Níor dhíbir Manaise lucht Bhéit Seán lena shráidbhailte, ná lucht Thánác lena shráidbhailte, na lucht Dhór lena shráidbhailte, ná lucht Ibleam lena shraidbhailte, na lucht Mhigideo lena shráidbhailte, ach sheas na Canánaigh an fód sna líomatáistí sin.

[28]Quando Israel se tornou forte, impôs trabalhos forçados aos cananeus, mas não os expulsou completamente.

[28]Nuair a chuaigh na hIosraelaigh i dtreise, chuireadar cuing na daoirse ar na Canánaigh, ach níor chuireadar an ruaig orthu.

[29]Efraim também não expulsou os cananeus que viviam em Gezer, mas os cananeus continuaram a viver entre eles.

[29]Ná níor dhíbir Eafráim na Canánaigh a bhí ag cur fúthu i nGeizir, ach mhair na Canánaigh i nGeizir ina measc.

[30]Nem Zebulom expulsou os cananeus que viviam em Quitrom e em Naalol, mas estes permaneceram entre eles e foram submetidos a trabalhos forçados.

[30]Ná níor dhíbir Zabúlun lucht Chitreon ná lucht Nahalol. D'fhan na Canánaigh i measc Zabúlun, ach cuireadh faoi chuing na daoirse iad.

[31]Nem Aser expulsou os que viviam em Aco, Sidom, Alabe, Aczibe, Helba, Afeque e Reobe,

[31]Níor dhíbir Áiséar lucht Acó amach, ná lucht Shíodón, ná lucht Achláb, ná lucht Aiczíb, ná lucht Aifíc, ná lucht Rachob.

[32]e, por esse motivo, o povo de Aser vivia entre os cananeus que habitavam naquela terra.

[32]Mhair na hÁiséaraigh i measc na gCanánach, a bhí ag cur fúthu sa dúiche mar nár dhíbir siad iad.

[33]Nem Naftali expulsou os que viviam em Bete-Semes e em Bete-Anate; mas o povo

[33]Ná níor dhíbir Naftáilí lucht Bhéit Seimis agus lucht Bhéit Anát, ach chuireadar

de Naftali também vivia entre os cananeus que habitavam a terra, e aqueles que viviam em Bete-Semes e em Bete-Anate passaram a fazer trabalhos forçados para eles.

[34]Os amorreus confinaram a tribo de Dã à serra central, não permitindo que descessem ao vale.

[35]E os amorreus igualmente estavam decididos a resistir no monte Heres, em Aijalom e em Saalbim, mas, quando as tribos de José ficaram mais poderosas, eles também foram submetidos a trabalhos forçados.

[36]A fronteira dos amorreus ia da subida de Acrabim até Selá, e mais adiante.

Juízes 2

O Anjo do Senhor em Boquim

[1]O Anjo do Senhor subiu de Gilgal a Boquim e disse: “Tirei vocês do Egito e os trouxe para a terra que prometi com juramento dar a seus antepassados. Eu disse: Jamais quebrarei a minha aliança com vocês.

[2]E vocês não farão acordo com o povo desta terra, mas demolirão os seus altares. Por que vocês não me obedeceram?

[3]Portanto, agora digo a vocês que não os expulsarei da presença de vocês; eles serão seus adversários, e os deuses deles serão uma armadilha para vocês”.

fúthu i measc na gCanánach a bhí ina gcónaí sa dúiche; ach b'éigean do lucht Bhéit Seimis agus Bhéit Anát dul faoi chuing na daoirse dóibh.

[34]Thiomáin na hAmóraigh clann Dhán ar gcúl chun na n-ardán agus ní ligfidís dóibh teacht anuas ar na hísleáin.

[35]Sheas na hAmóraigh an fód ag Har Heireas agus ag Aiálón agus ag Sealbaím. Ach nuair a luigh lámh theaghlach Iósaef go trom orthu, cuireadh faoi chuing a ndaoirse iad.

[36]Gabhann críocha na [nEadómach] ó Ard Acraibím go dtí an Charraig agus as sin suas.

Breithiúna 2

[1]Ghabh aingeal an Tiarna suas ó Ghilgeál go Bocaím, agus dúirt: “Thug mé aníos ón Éigipt thú agus sheol mé isteach sa tír seo thú a mhionnaigh mé a thabharfainn do bhur n-aithreacha. Dúirt mé: ‘Ní bhrisfidh mé mo chonradh libh go brách.

[2]Agus ó bhur thaobhsa de, ná déanaigí aon chonradh le muintir na tíre seo; scriosaigí a n-altoirí.’ Ach níor ghéill sibh do m'orduithe. Cad é seo a rinne sibh?

[3]Deirim anois dá bhrí sin, ní thiomáinfidh mé amach romhaibh iad. Beidh siad agaibh mar ghéarleanúinteoirí, agus beidh a ndéithe mar ghaiste daoibh.”

[4]Quando o Anjo do Senhor acabou de falar a todos os israelitas, o povo chorou em alta voz,

[5]e ao lugar chamaram Boquim. Ali ofereceram sacrifícios ao Senhor.

Desobediência e Derrota

[6]Depois que Josué despediu os israelitas, eles saíram para ocupar a terra, cada um a sua herança.

[7]O povo prestou culto ao Senhor durante toda a vida de Josué e dos líderes que sobreviveram a Josué e que tinham visto todos os grandes feitos do Senhor em favor de Israel.

[8]Josué, filho de Num, servo do Senhor, morreu com a idade de cento e dez anos.

[9]Foi sepultado na terra de sua herança, em Timnate-Heres, nos montes de Efraim, ao norte do monte Gaás.

[10]Depois que toda aquela geração foi reunida a seus antepassados, surgiu uma nova geração que não conhecia o Senhor e o que ele havia feito por Israel.

[11]Então os israelitas fizeram o que o Senhor reprova e prestaram culto aos baalins.

[12]Abandonaram o Senhor, o Deus dos seus antepassados, que os havia tirado do Egito, e seguiram e adoraram vários deuses dos povos ao seu redor, provocando a ira do Senhor.

[4]Nuair a labhair aingeal an Tiarna mar sin le clann Iosrael go léir chrom an pobal go léir ar osna agus ar olagón.

[5]Thugadar Bocaím (Lucht Olagóin) ar an áit sin agus rinneadar íobairtí don Tiarna ansiúd.

An Dara Réamhrá

[6]Ansin scaoil Iósua leis an bpobal agus d'imigh clann Iosrael leo, gach duine díobh go dtí a oidhreacht féin, chun seilbh a ghabháil ar an talamh.

[7]Rinne an pobal seirbhís don Tiarna i gcaitheamh saol Iósua go léir agus i gcaitheamh saol na seanóirí go léir a mhair i ndiaidh Iósua a chonaic na héachtaí go léir a rinne an Tiarna ar mhaithe le hIosrael.

[8]D'éag Iósua mac Núin, seirbhíseach an Tiarna, agus é céad agus a deich mbliana d'aois.

[9]Rinneadar é a adhlacadh san fhearann oidhreachta a fuair sé i dTimneat Heireas in ardáin Eafráim, lastuaidh de Shliabh Gháis.

[10]Nuair a bailíodh an ghlúin sin go léir chun a n-aithreacha, tháinig glúin eile ina ndiaidh nárbh aithnid dóibh an Tiarna ná na héachtaí a rinne sé d'Iosrael.

[11]Rinne clann Iosrael an t-olc i bhfianaise an Tiarna go ndearnadar fónamh do na Bálaím.

[12]Thréigeadar an Tiarna, Dia a sinsear, a threoraigh amach as tír na hÉigipte iad, agus leanadar déithe eile, déithe de chuid na gciníocha ina dtimpeall. D'adhradar na

[13]Abandonaram o Senhor e prestaram culto a Baal e a Astarote.

[14]A ira do Senhor se acendeu contra Israel, e ele os entregou nas mãos de invasores que os saquearam. Ele os entregou aos inimigos ao seu redor, aos quais já não conseguiam resistir.

[15]Sempre que os israelitas saíam para a batalha, a mão do Senhor era contra eles para derrotá-los, conforme havia advertido e jurado a vocês. Grande angústia os dominava.

[16]Então o Senhor levantou juízes, que os libertaram das mãos daqueles que os atacavam.

[17]Mesmo assim eles não quiseram ouvir os juízes, antes se prostituíram com outros deuses e os adoraram. Ao contrário dos seus antepassados, logo se desviaram do caminho pelo qual os seus antepassados tinham andado, o caminho da obediência aos mandamentos do Senhor.

[18]Sempre que o Senhor lhes levantava um juiz, ele estava com o juiz e os salvava das mãos de seus inimigos enquanto o juiz vivia; pois o Senhor tinha misericórdia por causa dos gemidos deles diante daqueles que os oprimiam e os afligiam.

déithe sin agus ghriogadar an Tiarna chun feirge.

[13]De bhrí gur thréigeadar an Tiarna agus go ndearnadar fónamh do Bhál agus do na hAisteárót,

[14]bhladhm fearg an Tiarna in aghaidh Iosrael; thug sé suas do lucht creiche iad agus rinne siadsan iad a chreachadh. Rinne sé iad a reic lena naimhde ina dtimpeall, agus níorbh fhéidir leo an fód a sheasamh ina n-aghaidh.

[15]Cibé uair a ghluaisidís chun catha bhíodh an Tiarna ina n-aghaidh á gclipeadh de réir mar a bhí geallta aige dóibh agus de réir mar a mhionnaigh sé dóibh, ionas go rabhadar faoi shrathair na hainnise.

[16]Mar sin féin, chuir an Tiarna breithiúna i réim dóibh a shaor iad ó lucht a gcreachta.

[17]Más ea, ní éistfidís lena mbreithiúna, ach is amhlaidh a chuadar le striapachas i ndiaidh déithe eile agus shléachtadar dóibh. Ba róbheag an mhoill orthu casadh i leataobh ón mbealach a ghabh a sinsir, an bealach a ghabhadar de réir orduithe an Tiarna; níor leanadar a samplasan.

[18]Nuair a cheapadh an Tiarna breithiúna dóibh, bhíodh sé i bhfochair an bhreithimh, agus shaoradh sé óna naimhde iad fad mhaireadh an breitheamh beo. Óir bhíodh trua ag an Tiarna dóibh as ucht a n-uchlán agus iad á gcrá agus á gciapadh ag lucht a mbuartha.

[19]Mas, quando o juiz morria, o povo voltava a caminhos ainda piores do que os caminhos dos seus antepassados, seguindo outros deuses, prestando-lhes culto e adorando-os. Recusavam-se a abandonar suas práticas e seu caminho obstinado.

[19]Nuair a d'fhaigheadh an breitheamh bás, ámh, d'fhillidís ar a seanbhéasa, ionas gur seacht measa a iompraídís iad féin ná a n-aithreacha; leanaidís déithe eile, ag fónamh agus ag sléachtadh dóibh, ní thugaidís cúl lena ndrochghníomhartha ná lena gceanndánacht.

[20]Por isso a ira do Senhor acendeu-se contra Israel, e ele disse: “Como este povo violou a aliança que fiz com os seus antepassados e não tem ouvido a minha voz,

[20]Ansin bhladhm fearg an Tiarna in aghaidh Iosrael agus dúirt sé: “Ós rud é go ndearna an pobal seo mo chonradh a leag mé ar a sinsir a bhriseadh agus nár ghéilleadar do mo ghlór,

[21]não expulsarei de diante dele nenhuma das nações que Josué deixou quando morreu.

[21]ní dhéanfaidh mé dá bhrí sin aon cheann de na ciníocha a d'fhág Iósua sa tír nuair a d'éag sé a dhíbirt rompu.”

[22]Eu as usarei para pôr Israel à prova e ver se guardará o caminho do Senhor e se andará nele como o fizeram os seus antepassados”.

[22]Ba d'fhonn Iosrael a thriail le cabhair na gciníocha ud é sin, féachaint an leanfaidís ar bhealach an Tiarna faoi mar a rinne a sinsir tráth nó nach ndéanfaidís.

[23]O Senhor havia permitido que essas nações permanecessem; não as expulsou de imediato e não as entregou nas mãos de Josué.

[23]Lig an Tiarna do na ciníocha sin fanacht mar a rabhadar; níor chuir sé an ruaig orthu le teann deabhaidh, ná níor thug ar láimh do Iósua iad.

Juízes 3

Breithiúna 3

[1]São estas as nações que o Senhor deixou para pôr à prova todos os israelitas que não tinham visto nenhuma das guerras em Canaã

[1]Seo iad na ciníocha a cheadaigh an Tiarna a fhanacht sa tír d'fhonn Iosrael a thriail tríothu, iad sin go léir in Iosrael is é sin nach raibh aon taithí acu ar chogadh i gCanán.

[2](fez isso apenas para treinar na guerra os descendentes dos israelitas, pois não tinham tido experiência anterior de combate):

[14]Ele capturou um jovem de Sucote e o interrogou, e o jovem escreveu para Gideão os nomes dos setenta e sete líderes e autoridades da cidade.

[15]Gideão foi então a Sucote e disse aos homens de lá: "Aqui estão Zeba e Zalmuna, acerca dos quais vocês zombaram de mim, dizendo: 'Ainda não estão em seu poder Zeba e Zalmuna? Por que deveríamos dar pão aos seus homens exaustos?' "

[16]Gideão prendeu os líderes da cidade de Sucote, castigando-os com espinhos e espinheiros do deserto;

[17]depois derrubou a fortaleza de Peniel e matou os homens daquela cidade.

[18]Então perguntou a Zeba e a Zalmuna: "Como eram os homens que vocês mataram em Tabor?" "Eram como você", responderam, "cada um tinha o porte de um príncipe."

[19]Gideão prosseguiu: "Aqueles homens eram meus irmãos, filhos de minha

Oirthir. Bhí céad agus a fiche míle de lucht iompair airm ar lár.

[11]Ghabh Gideón suas ar feadh bealach na gcarbhán lastoir de Noba agus Iogbahá agus d'ionsaigh sé an t-arm gan choinne.

[12]Theith Zeaba agus Zalmuná, chuaigh sé sa tóir orthu, ghabh dhá rí Mhidián, Zeaba agus Zalmuná, agus [scrios] sé an t-arm go léir.

[13]Ansin d'fhill Gideón mac Ióáis ón gcath trí Mhám Heireas.

[14]Ghabh sé fear óg de mhuintir Shucót, agus cheistigh é agus scríobh seisean síos dó ainmneacha taoisigh agus seanóirí Shucót, seachtar seachtód ar fad.

[15]Ansin tháinig sé go muintir Shucót agus dúirt leo: "Seo iad Zeaba agus Zalmuná a ndearna sibh achasán a chaitheamh liom ina dtaobh, á rá: 'Arán a thabhairt do d'arm traochta! An ea go bhfuil greim agat cheana féin ar Zeaba agus Zalmuná? ' "

[16]Ansin ghabh sé seanóirí na cathrach, agus fuair sé deilgneach fásaigh agus sceacha agus [stoll] sé muintir Shucót leo.

[17]Scrios sé túr Phanúéil agus chuir sé ár mhuintir na cathrach.

[18]Ansin dúirt sé le Zeaba agus Zalmuná: "Cér leis ar chosúil na fir a mharaigh sibh ag Tábór?" "Cosúil leat féin," ar siad; "ba gheall le mac rí gach duine díobh ar a iompar."

[19]D'fhreagair Gideón: "Ba dheartháireacha dom iad, clann mo mháthar féin; dar an

própria mãe. Juro pelo nome do Senhor que, se vocês tivessem poupado a vida deles, eu não mataria vocês”.

[20]E Gideão voltou-se para Jéter, seu filho mais velho, e lhe disse: “Mate-os!” Jéter, porém, teve medo e não desembainhou a espada, pois era muito jovem.

[21]Mas Zeba e Zalmuna disseram: “Venha, mate-nos você mesmo. Isso exige coragem de homem”. Então Gideão avançou e os matou, e tirou os enfeites do pescoço dos camelos deles.

O Manto Sacerdotal de Gideão

[22]Os israelitas disseram a Gideão: “Reine sobre nós, você, seu filho e seu neto, pois você nos libertou das mãos de Midiã”.

[23]“Não reinarei sobre vocês”, respondeu-lhes Gideão, “nem meu filho reinará sobre vocês. O Senhor reinará sobre vocês.”

[24]E prosseguiu: “Só faço a vocês um pedido: que cada um de vocês me dê um brinco da sua parte dos despojos”. (Os ismaelitas costumavam usar brincos de ouro.)

[25]Eles responderam: “De boa vontade os daremos a você!” Então estenderam uma capa, e cada homem jogou sobre ela um brinco tirado de seus despojos.

[26]O peso dos brincos de ouro chegou a vinte quilos e meio, sem contar os enfeites, os pendentes e as roupas de púrpura que

Tiarna beo, dá ndéanfadh sibh anacal anama orthu, ní chuirfinn chun báis sibh.”

[20]Ansin d'ordaigh sé do Ieitir an mac ba shine aige: “Éirigh agus cuir chun báis iad!” Ach níor tharraing an mac a chlaíomh; ní raibh sé de mhisneach aige; ní raibh ann ach ógánach.

[21]Ansin dúirt Zeaba agus Zalmuná: “Éirigh féin agus maraigh sinn; óir tá neart fir de réir mar atá an fear sin.” Ansin d'éirigh Gideón féin agus mharaigh Zeaba agus Zalmuná, agus ghearr anuas na stuanna a bhí ar mhuiníl a gcamall.

Bás Ghideón

[22]Dúirt muintir Iosrael le Gideón ansin: “Bí i gceannas orainn - thú féin agus do chlann mhac, agus mac do mhic chomh maith, mar d'fhuascail tú sinn as láimh Mhidián.”

[23]Dúirt Gideón leo: “Ní bheidh mise i gceannas oraibh, ná ní bheidh mo mhac i gceannas oraibh; beidh an Tiarna i gceannas oraibh.”

[24]Dúirt Gideón leo: “Tá achainí agam oraibh; tugadh gach duine agaibh na fáinní as a chreach dom” - bhí fáinní óir á gcaitheamh ag an dream a cloíodh mar ba Ísméiligh iad.

[25]D'fhreagair siad: “Tabharfaimid agus fáilte.” Leath sé brat ansin agus chaith gach duine díobh na fáinní as a chreach ar an mbrat.

[26]Ba é meáchan na bhfainní óir a d'éiligh sé ná míle seacht gcéad seicil óir, seachas na toirc, agus na siogairlíní agus na héidí

os reis de Midiã usavam e os colares que estavam no pescoço de seus camelos.

[27]Gideão usou o ouro para fazer um manto sacerdotal, que ele colocou em sua cidade, em Ofra. Todo o Israel prostituiu-se, fazendo dele objeto de adoração; e veio a ser uma armadilha para Gideão e sua família.

A Morte de Gideão

[28]Assim Midiã foi subjugado pelos israelitas, e não tornou a erguer a cabeça. Durante a vida de Gideão a terra desfrutou paz quarenta anos.

[29]Jerubaal, filho de Joás, retirou-se e foi para casa, onde ficou morando.

[30]Teve setenta filhos, todos gerados por ele, pois tinha muitas mulheres.

[31]Sua concubina, que morava em Siquém, também lhe deu um filho, a quem ele deu o nome de Abimeleque.

[32]Gideão, filho de Joás, morreu em idade avançada e foi sepultado no túmulo de seu pai, Joás, em Ofra dos abiezritas.

[33]Logo depois que Gideão morreu, os israelitas voltaram a prostituir-se com os baalins, cultuando-os. Ergueram Baal-Berite como seu deus e

[34]não se lembraram do Senhor, o seu Deus, que os tinha livrado das mãos dos seus inimigos em redor.

[35]Também não foram bondosos com a família de Jerubaal, isto é, Gideão, pois

corcra a chaitheadh ríthe Mhidián, agus na stuanna a bhíodh timpeall ar mhuiníl a gcuid camall.

[27]Rinne Gideón éafód de seo go léir agus chuir é ina chathair féin, in Ofrá. Ina dhiaidh rinne Iosrael go léir striapachas ina leith agus ba ghaiste do Ghideón agus dá mhuintir é.

[28]Fuair Iosrael an lámh in uachtar ar Mhidián ar an gcuma sin, agus níor ardaíodar a gceann arís, agus bhí suaimhneas ag an tír ar feadh daichead bliain, fad a mhair Gideón.

[29]Chuaigh Iarubál mac Ióáis i leataobh chun cónaithe ina theach féin.

[30]Bhí deichniúr mac agus trí fichid ag Gideón, dá shíolrach féin, mar bhí mórán ban aige.

[31]Bhí bean luí aige i Seicim agus rug sí sin mac dó chomh maith, ar ar thug sé Aibímeilic.

[32]Bhí seanaois faoi shéan ag Gideón mac Ióáis; d'éag sé agus adhlacadh é i dtuama a athar, Ióáis, in Ofrá na nAibíeizreach.

[33]Tar éis bháis do Ghideón chrom clann Iosrael ar striapachas a dhéanamh i ndiaidh na mBál, agus ghlacadar le Bál Beirít mar dhia.

[34]Níor chuimhin le hIosrael a thuilleadh an Tiarna a nDia a d'fhuascail iad óna naimhde go léir ina dtimpeall.

[35]Ba bheag é a mbuíochas do theaghlach Iarubál (. i. Gideón) ar son a ndearnadar de mhaith d'Iosrael.

não reconheceram todo o bem que ele tinha feito a Israel.

Juízes 9

Abimeleque

[1]Abimeleque, filho de Jerubaal, foi aos irmãos de sua mãe em Siquém e disse a eles e a todo o clã da família de sua mãe:

[2]“Perguntem a todos os cidadãos de Siquém o que é melhor para eles, ter todos os setenta filhos de Jerubaal governando sobre eles, ou somente um homem? Lembrem-se de que eu sou sangue do seu sangue”.

[3]Os irmãos de sua mãe repetiram tudo aos cidadãos de Siquém, e estes se mostraram propensos a seguir Abimeleque, pois disseram: “Ele é nosso irmão”.

[4]Deram-lhe setenta peças de prata tiradas do templo de Baal-Berite, as quais Abimeleque usou para contratar alguns desocupados e vadios, que se tornaram seus seguidores.

[5]Foi à casa de seu pai em Ofra e matou seus setenta irmãos, filhos de Jerubaal, sobre uma rocha. Mas Jotão, o filho mais novo de Jerubaal, escondeu-se e escapou.

[6]Então todos os cidadãos de Siquém e de Bete-Milo reuniram-se ao lado do Carvalho, junto à coluna de Siquém, para coroar Abimeleque rei.

Breithiúna 9

Réimeas Aibímeilic

[1]Chuaigh Aibímeilic mac Iarubál go Seicim, go bráithre a mháthar, agus dúirt leosan agus le fine uile theaghlach a mháthar:

[2]“Cuirigí an cheist seo, le bhur dtoil, chun ceannairí Sheicim: ‘Cé acu is fearr daoibh, deichniúr agus trí fichid, clann Iarubál ar fad, a bheith i gceannas oraibh nó aon duine amháin? ’ Cuimhnigí leis gur cnámh de bhur gcnámh agus feoil de bhur bhfeoil mise.”

[3]Labhair bráithre a mháthar mar sin faoi le ceannairí uile Sheicim, agus tháinig lé acu le hAibímeilic, “Mar,” a dúradar leo féin, “is bráthair dúinn é.”

[4]Thugadar seachtó seicil airgid dó as teampall Bhál Bheirít, agus bhain Aibímeilic feidhm as sin mar thuarastal do scraistí gan mhaith a lean é.

[5]D'imigh sé leis ansin go teach a athar in Ofrá, agus mharaigh a bhráithre, clann mhac Iarubál, deichniúr agus trí fichid díobh ar an aon leac. Ach d'éalaigh Iótám an mac a ba óige le Iarubál, mar bhí sé imithe i bhfolach.

[6]Chruinnigh ceannairí uile Sheicim agus Bhéit Mileo i gceann a chéile agus cheapadar Aibímeilic ina rí taobh le dair an cholúin i Seicim.

[7]Quando Jotão soube disso, subiu ao topo do monte Gerizim e gritou para eles: “Ouçam-me, cidadãos de Siquém, para que Deus os ouça.

[8]Certo dia as árvores saíram para ungir um rei para si. Disseram à oliveira: ‘Seja o nosso rei!’

[9]“A oliveira, porém, respondeu: ‘Deveria eu renunciar ao meu azeite, com o qual se presta honra aos deuses e aos homens, para dominar sobre as árvores?’

[10]“Então as árvores disseram à figueira: ‘Venha ser o nosso rei!’

[11]“A figueira, porém, respondeu: ‘Deveria eu renunciar ao meu fruto saboroso e doce, para dominar sobre as árvores?’

[12]“Depois as árvores disseram à videira: ‘Venha ser o nosso rei!’

[13]“A videira, porém, respondeu: ‘Deveria eu renunciar ao meu vinho, que alegra os deuses e os homens, para ter domínio sobre as árvores?’

[14]“Finalmente todas as árvores disseram ao espinheiro: ‘Venha ser o nosso rei!’
[15]“O espinheiro disse às árvores: ‘Se querem realmente ungir-me rei sobre vocês, venham abrigar-se à minha sombra; do contrário, sairá fogo do espinheiro e consumirá até os cedros do Líbano!’
[16]“Será que vocês agiram de fato com sinceridade quando fizeram Abimeleque

[7]Nuair a insíodh é sin do Iótám, ghabh sé suas ar Shliabh Girizím agus sheas ar a mhullach, gur ghlaoigh sé os ard orthu á rá: “Éistigí liomsa, a cheannairí Sheicim, i dtreo go n-éistfidh Dia libhse.
[8]Chuaigh na crainn amach tráth Chun rí a ungadh dóibh féin Agus dúradar leis an gcrann olóige: ‘Bíse i do rí orainn! ’
[9]Dúirt an crann olóige leo, ámh: ‘An amhlaidh a thréigfidh mise mo mhéathras, Lena dtugtar onóir do Dhia agus do dhaoine Chun a bheith i réim ar na crainn? ’
[10]Agus dúirt na crainn leis an gcrann figí: ‘Tar thusa, agus bí i do rí orainn.’
[11]Dúirt an crann figí leo, ámh: ‘An amhlaidh a thréigfidh mise mo mhilseacht Agus mo dhea-thoradh Chun a bheith i réim ar na crainn? ’
[12]Agus dúirt na crainn leis an bhfiniúin: ‘Tar thusa agus bí i do rí orainn.’
[13]Ach d'fhreagair an fhiniúin iad: ‘An amhlaidh a thréigfidh mise m'fhíon A chuireann áthas croí ar Dhia agus ar dhaoine D'fhonn bheith i réim ar na crainn? ’
[14]Ansin dúirt na crainn go léir leis an dris: ‘Tar thusa agus bí i do rí orainn.’
[15]Ach dúirt an dris leis na crainn: ‘Más mian libh dáiríre mise a ungadh i mo rí oraibh féin, Tagaigí ar scáth mo ghéag; É sin nó tagadh tine as an dris Agus loisceadh sí céadrais na Liobáine.’
[16]“Dá réir sin, más le dea-intinn agus le hionracas a rinne sibh rí d'Aibímeilic, agus

rei? Foram justos com Jerubaal e sua família, como ele merecia?

má bhí sibh go cóir cothrom le Iarubál agus lena theaghlach, agus má chúitigh sibh leis de réir mar a thuill a bheartasan -

[17]Meu pai lutou por vocês e arriscou a vida para livrá-los das mãos de Midiã.

[17]throid m'athair ar bhur son, chuir sé a anam i bhfiontar, agus d'fhuascail sé sibh ó láimh Mhidián;

[18]Hoje, porém, vocês se revoltaram contra a família de meu pai, mataram seus setenta filhos sobre a mesma rocha e proclamaram Abimeleque, o filho de sua escrava, rei sobre os cidadãos de Siquém pelo fato de ser irmão de vocês.

[18]ach seo sibhse inniu agus ceannairc déanta agaibh in aghaidh theaghlach m'athar, a sheachtó mac básaithe agaibh ar an aon leac, agus Aibímeilic, mac a dhaoirsí, ceaptha mar rí agaibh ar cheannairí Sheicim mar gur gaol daoibh féin é -

[19]Se hoje vocês de fato agiram com sinceridade para com Jerubaal e sua família, alegrem-se com Abimeleque, e alegre-se ele com vocês!

[19]más le dea-intinn agus le hionracas a phléigh sibh inniu le Iarubál, agus lena chlann, a deirim, gur chúis lúcháire agaibh é Aibímeilic, agus sibhse aigesean.

[20]Entretanto, se não foi assim, que saia fogo de Abimeleque e consuma os cidadãos de Siquém e de Bete-Milo, e que saia fogo dos cidadãos de Siquém e de Bete-Milo, e consuma Abimeleque!”

[20]Ach mura ndearna sibh, go dtaga tine as Aibímeilic amach, agus go n-ídí sí muintir Sheicim agus Bhéit Mileo; agus go dtaga tine as ceannairí Sheicim agus Bhéit Mileo agus go n-ídí sí Aibímeilic.”

[21]Depois Jotão fugiu para Beer, onde ficou morando, longe de seu irmão Abimeleque.

[21]Theith Iótám leis ansin, agus d'éalaigh go Béar agus chuir faoi ansiúd le heagla roimh Aibímeilic a bhráthair.

[22]Fazia três anos que Abimeleque governava Israel,

[22]Bhí Aibímeilic i réim in Iosrael ar feadh trí bliana.

[23]quando Deus enviou um espírito maligno entre Abimeleque e os cidadãos de Siquém, e estes agiram traiçoeiramente contra Abimeleque.

[23]Ansin sheol Dia drochspiorad aighnis idir Aibímeilic agus ceannairí Sheicim, agus rinne ceannairí Sheicim ceannairc in aghaidh Aibímeilic.

[24]Isso aconteceu para que o crime contra os setenta filhos de Jerubaal, o derramamento do sangue deles, fosse

[24]Is mar sin a bhí d'fhonn go ndéanfaí an choir a rinneadh in aghaidh Iarubál agus a sheachtó mac a agairt, agus go

vingado em seu irmão Abimeleque e nos cidadãos de Siquém que o ajudaram a assassinar os seus irmãos.

bhfillfeadh a bhfuil sa mhullach ar a mbráthair Aibímeilic a chuir chun báis iad, agus ar cheannairí Sheicim a chabhraigh leis a bhráithre a mharú.

[25]Os cidadãos de Siquém enviaram homens para o alto das colinas para emboscarem os que passassem por ali, e Abimeleque foi informado disso.

[25]Mar olc air, chuir ceannairí Sheicim dream in eadarnaí ar mhullach na sléibhte agus chreachaidís aon duine a ghabh an treo. Insíodh é sin d'Aibímeilic.

[26]Nesse meio tempo, Gaal, filho de Ebede, mudou-se com seus parentes para Siquém, cujos cidadãos confiavam nele.

[26]Tháinig Gál mac Eibid agus a ghaolta isteach i Seicim agus thug ceannairí Sheicim a n-iontaobh leis.

[27]Sucedeu que foram ao campo, colheram uvas, pisaram-nas e fizeram uma festa no templo do seu deus. Comendo e bebendo, amaldiçoaram Abimeleque.

[27]Ghabhadar amach faoin tuath chun a bhfiniúna a chnuasach sna fíonghoirt; bhrúdar iad; rinneadar ceiliúradh agus chuadar isteach i dteach a ndé; d'itheadar, d'óladar agus chaitheadar mallacht le hAibímeilic.

[28]Então Gaal, filho de Ebede, disse: “Quem é Abimeleque para que o sirvamos? E quem é Siquém? Não é ele o filho de Jerubaal, e não é Zebul o seu representante? Sirvam aos homens de Hamor, o pai de Siquém! Por que servir a Abimeleque?

[28]Dúirt Gál mac Eibid: “Cé he Aibímeilic, seachas sinne, muintir Sheicim, a rá is go ndéanfaimis fónamh dó? Nár chirte do mhac Iarubál agus Zabul, a leagáid, fónamh do mhuintir Hamór, athair Sheicim? Cén fáth go mbeimis inar ndaoir aige?

[29]Ah! Se eu tivesse esse povo sob o meu comando! Eu me livraria de Abimeleque e lhe diria: Mobilize o seu exército e venha!”

[29]Cé chuirfidh an pobal seo faoi mo cheannas? Ansin thiomáinfinn amach Aibímeilic agus déarfainn le hAibímeilic: ‘Méadaigh d'arm agus tar amach.’ ”

[30]Quando Zebul, o governante da cidade, ouviu o que dizia Gaal, filho de Ebede, ficou indignado.

[30]Nuair a chuala Zabul rialtóir na cathrach focail Ghál mac Eibid d'adhain a fhearg.

[31]Secretamente enviou mensageiros a Abimeleque dizendo: “Gaal, filho de Ebede, e seus parentes vieram a Siquém e estão agitando a cidade contra você.

[31]Chuir sé teachtairí go hAibímeilic in Arúmá á rá: “Féach, tá Gál mac Eibid agus a ghaolta tagtha go Seicim agus tá an chathair a griogadh acu i d'aghaidh.

[32]Venha de noite, você e seus homens, e fiquem à espera no campo.

[33]De manhã, ao nascer do sol, avance contra a cidade. Quando Gaal e sua tropa atacarem, faça com eles o que achar melhor”.

[34]E assim Abimeleque e todas as suas tropas partiram de noite e prepararam emboscadas perto de Siquém, em quatro companhias.

[35]Ora, Gaal, filho de Ebede, tinha saído e estava à porta da cidade quando Abimeleque e seus homens saíram da sua emboscada.

[36]Quando Gaal os viu, disse a Zebul: “Veja, vem gente descendo do alto das colinas!” Zebul, porém, respondeu: “Você está confundindo as sombras dos montes com homens”.

[37]Mas Gaal tornou a falar: “Veja, vem gente descendo da parte central do território, e uma companhia está vindo pelo caminho do carvalho dos Adivinhadores”.

[38]Disse-lhe Zebul: “Onde está toda aquela sua conversa? Você dizia: ‘Quem é Abimeleque, para que o sirvamos?’ Não são estes os homens que você ridicularizou? Saia e lute contra eles!”

[39]Então Gaal conduziu para fora os cidadãos de Siquém e lutou contra Abimeleque.

[32]Tar féin agus do lucht leanúna dá bhrí sin i gcoim na hoíche agus téigh in eadarnaí orthu sna bánta.

[33]Ansin le héirí gréine ar maidin, éirigh amach go tapa agus tabhair faoin gcathair. Nuair a thiocfaidh Gál agus a chuid fear i d'aghaidh cuir an cluiche air de réir mar a oirfidh.”

[34]Chuir Aibímeilic agus a lucht leanúna go léir chun bealaigh dá bhrí sin i gcoim na hoíche, agus chuadar in eadarnaí ar Sheicim ina gceithre díormaí.

[35]Ghabh Gál mac Eibid amach agus mhoilligh ag béal gheata na cathrach; agus d'éirigh Aibímeilic agus a lucht leanúna as láithreacha eadarnaí.

[36]Nuair a chonaic Gál na fir dúirt sé le Zabul: “Féach, seo fir anuas ó mhullach na sléibhte.” “Is ann is dóigh leat,” arsa Zabul leis, “gur fir iad scáthanna na sléibhte.”

[37]“Seo fir,” arsa Gál arís, “ag teacht anuas ó Imleacán na Tíre, agus díorma eile ag teacht ó Dhair na nAsarlaithe.”

[38]“Cá bhfuil an béal mór sin agat anois?” arsa Zabul leis, “tusa, a dúirt, ‘Cé hé Aibímeilic a rá is go ndéanfaimis fónamh dó? ’ Nach iad seo an mhuintir dá ndearna tú beagsea? Amach leat anois dá bhrí sin agus cuir cath orthu!”

[39]Ghabh Gál amach, dá bhrí sin, ar cheann slua cheannairí Sheicim agus chuir cath ar Aibímeilic.

[40]Abimeleque o perseguiu, e ele fugiu. Muitos dos homens de Siquém caíram mortos ao longo de todo o caminho, até a porta da cidade.

[41]Abimeleque permaneceu em Arumá, e Zebul expulsou Gaal e os seus parentes de Siquém.

[42]No dia seguinte, o povo de Siquém saiu aos campos, e Abimeleque ficou sabendo disso.

[43]Então dividiu os seus homens em três companhias e armou emboscadas no campo. Quando viu o povo saindo da cidade, levantou-se contra ele e atacou-o.

[44]Abimeleque e as tropas que estavam com ele avançaram até a porta da cidade. Então duas companhias avançaram sobre os que estavam nos campos e os mataram.

[45]E Abimeleque atacou a cidade o dia todo, até conquistá-la e matar o seu povo. Depois destruiu a cidade e espalhou sal sobre ela.

[46]Ao saberem disso, os cidadãos que estavam na torre de Siquém entraram na fortaleza do templo de El-Berite.

[47]Quando Abimeleque soube que se haviam reunido lá,

[48]ele e todos os seus homens subiram o monte Zalmom. Ele apanhou um machado, cortou um galho de árvore e o pôs nos ombros. Então deu esta ordem aos

[40]Chuir Aibímeilic an ruaig air, agus theith sé roimhe, agus maraíodh a lán a treascraíodh sular bhféidir dóibh geataí na cathrach a shroicheadh.

[41]D'fhill Aibímeilic ansin ar Arúmá agus dhíbir Zabul Gál agus a ghaolta agus choisc orthu maireachtáil i Seicim.

Scrios Sheicim agus Bás Aibímeilic

[42]Lá arna mhárach chuaigh na fir amach sna goirt, agus chuala Aibímeilic ina thaobhsan.

[43]Thug sé leis a chuid fear, roinn iad ina dtrí díormaí agus chuaigh in eadarnaí sna goirt. Nuair a chonaic sé na fir ag teacht as an gcathair, d'ionsaigh sé iad agus dhíothaigh iad.

[44]Ghabh Aibímeilic agus an díorma a bhí in éineacht leis ar aghaidh go láithreacha ag béal gheata na cathrach, ach d'ionsaigh an dá dhíorma eile na fir go léir sna goirt agus chuireadar a n-ár.

[45]Chaith Aibímeilic an lá sin go léir ag ionsaí na cathrach; ghabh sé í de ruathar, mharaigh a raibh inti, scartáil an chathair ó bhonn agus chuir salann mar shíol inti.

[46]Nuair a chuala ceannairí Thúr Sheicim é sin, chuadar chun tearmainn i lusca theampall Éil Beirít.

[47]Nuair a chuala Aibímeilic go raibh ceannairí Thúr Sheicim go léir cruinnithe ansiúd,

[48]ghabh sé Sliabh Zalmón suas lena chuid fear go léir. Ansin rug sé greim ar thua, ghearr anuas gabháil bhrosna, d'ardaigh agus chuir ar a ghualainn é. Agus dúirt sé leis an muintir a bhí in éineacht leis:

homens que estavam com ele: “Rápido! Façam o que eu estou fazendo!”

[49]Todos os homens cortaram galhos e seguiram Abimeleque. Empilharam os galhos junto à fortaleza e a incendiaram. Assim morreu também o povo que estava na torre de Siquém, cerca de mil homens e mulheres.

[50]A seguir, Abimeleque foi a Tebes, sitiou-a e conquistou-a.

[51]Mas dentro da cidade havia uma torre bastante forte, para a qual fugiram todos os homens e mulheres, todo o povo da cidade. Trancaram-se por dentro e subiram para o telhado da torre.

[52]Abimeleque foi para a torre e atacou-a. E, quando se aproximava da entrada da torre para incendiá-la,

[53]uma mulher jogou uma pedra de moinho na cabeça dele, e lhe rachou o crânio.

[54]Imediatamente ele chamou seu escudeiro e lhe ordenou: “Tire a espada e mate-me, para que não digam que uma mulher me matou”. Então o jovem o atravessou, e ele morreu.

[55]Quando os israelitas viram que Abimeleque estava morto, voltaram para casa.

[56]Assim Deus retribuiu a maldade que Abimeleque praticara contra o seu pai, matando os seus setenta irmãos.

“Déanaigí aithris ar a bhfuil déanta agamsa, agus déanaigí sin go tapa.”

[49]Ghearr gach duine díobh a ghabháil bhrosna dá bhrí sin, agus lean Aibímeilic agus leag ar an lusca é, agus chuireadar an lusca trí thine ar a mullach. Díscíodh muintir Thúr Sheicim uile chomh maith, timpeall míle fear agus bean.

[50]Ansin chuaigh Aibímeilic in aghaidh Théibéiz agus chuir léigear air agus ghabh é de ruathar.

[51]Ach bhí túr daingean sa chathair agus theith muintir na cathrach go léir, idir fhir agus mhná, chun dídine ann; d'iadar an doras agus chuadar in airde ar dhíon an túir.

[52]Tháinig Aibímeilic chun an túir, agus d'ionsaigh é. Nuair a bhí sé ag déanamh ar dhoras an túir chun é a chur trí thine,

[53]chaith bean éigin bró uachtair mhuillinn anuas sa mhullach air agus bhris a bhlaosc.

[54]Ghlaoigh sé ar an toirt ar a ghiolla airm agus dúirt leis: “Tarraing do chlaíomh gan mhoill agus cuir chun báis mé, d'fhonn nach ndéarfaí fúm: ‘Mharaigh bean é!’” Rop a ghiolla claíomh tríd dá bhrí sin agus fuair sé bás.

[55]Nuair a chonaic saighdiúirí Iosrael go raibh Aibímeilic ar lár, d'imíodar leo, gach duine chun a thí féin.

[56]Rinne Dia ar an gcuma sin an choir a rinne Aibímeilic in aghaidh a athar, nuair a mharaigh sé a sheachtó dearthár, a agairt air.

[57]Deus fez também os homens de Siquém pagarem por toda a sua maldade. A maldição de Jotão, filho de Jerubaal, caiu sobre eles.

[57]Agus thug Dia coirpeacht uile mhuintir Sheicim ar ais sa mhullach orthu féin agus tháinig mallacht Iótám mac Iarubál orthu chomh maith.

Juízes 10

Tolá

[1]Depois de Abimeleque, um homem de Issacar chamado Tolá, filho de Puá, filho de Dodô, levantou-se para libertar Israel. Ele morava em Samir, nos montes de Efraim,

[2]e liderou Israel durante vinte e três anos; então morreu e foi sepultado em Samir.

Jair

[3]Depois dele veio Jair, de Gileade, que liderou Israel durante vinte e dois anos.

[4]Teve trinta filhos, que montavam trinta jumentos. Eles tinham autoridade sobre trinta cidades, as quais até hoje são chamadas “povoados de Jair” e ficam em Gileade.

[5]Quando Jair morreu, foi sepultado em Camom.

Jefté

[6]Mais uma vez os israelitas fizeram o que o Senhor reprova. Serviram aos baalins, às imagens de Astarote, aos deuses de Arã, aos deuses de Sidom, aos deuses de Moabe, aos deuses dos amonitas e aos deuses dos filisteus. E como os israelitas abandonaram o Senhor e não mais lhe prestaram culto,

Breithiúna 10

Mion-Bhreithiúna

[1]Tar éis Aibímeilic, d'éirigh Tólá mac Phúá mac Dhódó, chun Iosrael a fhuascailt. Ba de threibh Íosácár é agus bhí cónaí air i Seámaír i sléibhte Eafráim.

[2]Ba bhreitheamh in Iosrael é ar feadh trí bliana fichead; d'éag sé ansin agus cuireadh é i Seámaír.

[3]Ina dhiaidhsean, d'eirigh Iáír ó Ghileád, agus ba bhreitheamh in Iosrael é ar feadh dhá bhliain fhichead.

[4]Bhí deich mac fichead aige a dhéanadh marcaíocht ar dheich n-asal fichead; bhí deich gcathair fichead acu ar a dtugtar Longfoirt Iáír go dtí an lá inniu; tá siad i dtír Ghileád.

[5]D'eag Iáír agus cuireadh é i gCámón.

[6]Rinne pobal Iosrael an t-olc arís i bhfianaise an Tiarna. D'fhónadar do na Bálaím agus do na hAisteárót, do dhéithe Arám agus do dhéithe Shíodón, do dhéithe Mhóáb agus do dhéithe na nAmónach agus do dhéithe na bhFilistíneach; thréigeadar an Tiarna agus níor fhónadar dó a thuilleadh.

[7]a ira do Senhor se acendeu contra eles. Ele os entregou nas mãos dos filisteus e dos amonitas,

[8]que naquele ano os humilharam e os oprimiram. Durante dezoito anos oprimiram todos os israelitas do lado leste do Jordão, em Gileade, terra dos amorreus.

[9]Os amonitas também atravessaram o Jordão para lutar contra Judá, contra Benjamim e contra a tribo de Efraim; e grande angústia dominou Israel.

[10]Então os israelitas clamaram ao Senhor, dizendo: “Temos pecado contra ti, pois abandonamos o nosso Deus e prestamos culto aos baalins!”

[11]O Senhor respondeu: “Quando os egípcios, os amorreus, os amonitas, os filisteus,

[12]os sidônios, os amalequitas e os maonitas os oprimiram, e vocês clamaram a mim, eu os libertei das mãos deles.

[13]Mas vocês me abandonaram e prestaram culto a outros deuses. Por isso não os livrarei mais.

[14]Clamem aos deuses que vocês escolheram. Que eles os livrem na hora do aperto!”

[15]Os israelitas, porém, disseram ao Senhor: “Nós pecamos. Faze conosco o que achares melhor, mas te rogamos, livra-nos agora”.

[7]Ansin bhladhm fearg an Tiarna in aghaidh Iosrael agus thug sé ar láimh iad do na Filistínigh agus do na hAmónaigh,

[8]agus ón mbliain sin ar aghaidh rinneadarsan cos ar bolg agus géarleanúint ar feadh ocht mbliana déag ar chlann Iosrael - ar chlann Iosrael go léir a bhí ag cur fúthu lastall den Iordáin i gcríocha na nAmórach atá i nGileád.

[9]Tháinig na hAmónaigh freisin thar Iordáin anall chun troid in aghaidh Iúdá agus Bhiniáimin agus teaghlach Eafráim, agus bhí Iosrael i gcruachás agus in éigean.

[10]Ansin ghlaoigh clann Iosrael ar an Tiarna agus dúradar: “Pheacaíomar i d'aghaidh, mar gur thréigeamar ár nDia agus gur fhónamar do na Bálaím.”

[11]D'fhreagair an Tiarna clann Iosrael: “Nár fhuascail mé sibh ó na hÉigiptigh, na hAmóraigh, na hAmónaigh, na Filistínigh,

[12]na Síodónaigh, Amáiléic agus Midián, nuair a rinne siadsan cos ar bolg oraibh agus gur ghlaoigh sibh orm?

[13]Dá ainneoin sin, thréig sibh mise agus rinne sibh fónamh do dhéithe eile; uime sin ní dhéanfaidh mé fuascailt oraibh arís.

[14]Imígí agus glaoigí ar na déithe is rogha libh! Déanaidís-sean sibh a fhuascailt in am an ghátair!”

[15]D'fhreagair clann Iosrael an Tiarna: “Pheacaíomar! Déan do rogha rud linn, ach fuascail sinn, impímid ort, inniu féin!”

[16]Então eles se desfizeram dos deuses estrangeiros que havia no meio deles e prestaram culto ao Senhor. E ele não pôde mais suportar o sofrimento de Israel.

[16]Chaitheadar uathu na déithe deoranta a bhí acu agus rinneadar fónamh don Tiarna, agus níorbh fhéidir dósan cur suas leis an ngéarleanúint ar Iosrael a thuilleadh.

[17]Quando os amonitas foram convocados e acamparam em Gileade, os israelitas reuniram-se e acamparam em Mispá.

[17]Thionóil na hAmónaigh agus shuíodar a longfort i nGileád. Chruinnigh clann Iosrael agus shuíodar a longfort i Mizpeá.

[18]Os líderes do povo de Gileade disseram uns aos outros: “Quem iniciar o ataque contra os amonitas será chefe dos que vivem em Gileade”.

[18]Ansin dúirt na daoine, ceannairí Ghileád, le chéile: “Cé chuirfidh ceann ar an gcath in aghaidh na nAmónach? Bíodh seisean i gceannas ar an muintir go léir atá ag cur fúthu i nGileád.”

Juízes 11

Breithiúna 11

Iaftá

[1]Jefté, o gileadita, era um guerreiro valente. Sua mãe era uma prostituta; seu pai chamava-se Gileade.

[1]Gaiscíoch tréan a ba ea Iaftá an Gileádach, ach ba mhac striapaí é. Ba é Gileád athair Iaftá.

[2]A mulher de Gileade também lhe deu filhos, que, quando já estavam grandes, expulsaram Jefté, dizendo: “Você não vai receber nenhuma herança de nossa família, pois é filho de outra mulher”.

[2]Bhí clann mhac ag bean Ghileád chomh maith, agus nuair a d'fhás clann a mhná, thiomáineadar Iaftá amach, agus dúradar leis: “Ní bheidh aon chuid agat i dteach ár n-athar, mar is mac mná deoranta thú.”

[3]Então Jefté fugiu dos seus irmãos e se estabeleceu em Tobe. Ali um bando de vadios uniu-se a ele e o seguia.

[3]Theith Iaftá óna bhráithre agus chuir faoi i dtír Thób. Bhailigh scraistí gan mhaith ina thimpeall agus théidís ag creachadh in éineacht leis.

[4]Algum tempo depois, quando os amonitas entraram em guerra contra Israel,

[4]Tar éis tamaill chuaigh na hAmónaigh chun cogaidh le hIosrael.

[5]os líderes de Gileade foram buscar Jefté em Tobe.

[5]Nuair a chuaigh na hAmónaigh chun cogaidh le hIosrael chuaigh seanóirí Ghileád ag triall ar Iaftá chun é a bhreith leo ó thír Thób.

[6]“Venha”, disseram. “Seja nosso comandante, para que possamos combater os amonitas.”

[7]Disse-lhes Jefté: “Vocês não me odiavam e não me expulsaram da casa de meu pai? Por que me procuram agora, quando estão em dificuldades?”

[8]“Apesar disso, agora estamos apelando para você”, responderam os líderes de Gileade. “Venha conosco combater os amonitas, e você será o chefe de todos os que vivem em Gileade.”

[9]Jefté respondeu: “Se vocês me levarem de volta para combater os amonitas e o Senhor os entregar a mim, serei o chefe de vocês?”

[10]Os líderes de Gileade responderam: “O Senhor é nossa testemunha; faremos conforme você diz”.

[11]Assim Jefté foi com os líderes de Gileade, e o povo o fez chefe e comandante sobre todos. E ele repetiu perante o Senhor, em Mispá, todas as palavras que tinha dito.

[12]Jefté enviou mensageiros ao rei amonita com a seguinte pergunta: “Que é que tens contra nós, para teres atacado a nossa terra?”

[13]O rei dos amonitas respondeu aos mensageiros de Jefté: “Quando Israel veio do Egito tomou as minhas terras, desde o

[6]Dúradar le Iaftá: “Tar agus gabh ceannas orainn i dtreo go gcuirfimís cogadh ar na hAmónaigh.”

[7]Ach dúirt Iaftá le seanóirí Ghileád: “Nach sibhse a thug fuath dom agus a thiomáin as teach m'athar amach mé? Cad a b'áil libh ag teacht chugam anois agus sibh i gcruachás?”

[8]Agus dúirt seanóirí Ghileád le Iaftá: “Sin é díreach an fáth gur chasamar ort anois; tar linn; cuir cogadh ar na hAmónaigh agus bí i do cheann orainn, i do cheann ar a bhfuil ina gconaí i nGileád.”

[9]D'fhreagair Iaftá seanóirí Ghileád: “Má thugann sibh ar ais abhaile mé le troid leis na hAmónaigh, agus go dtugann an Tiarna an lámh in uachtar dom orthu, an mbeidh mé i mo cheann oraibh?”

[10]Dúirt seanóirí Ghileád le Iaftá: “Go raibh an Tiarna ina fhinné eadrainn! Go raibh mallacht orainn mura ndéanfaimid mar a dúirt tú!”

[11]Chuir Iaftá chun bóthair dá bhrí sin le seanóirí Ghileád, agus cheap na daoine mar cheann agus mar cheannasaí orthu féin é; rinne Iaftá a choinníollacha go léir a aithris arís i Mizpeá i bhfianaise an Tiarna.

[12]Ansin chuir Iaftá teachtairí go rí na nAmónach á rá leis: “Cad é an t-aighneas seo eadrainn a rá is gur tháinig tú chugam chun cogaidh a chur ar mo thír?”

[13]D'fhreagair rí na nAmónach teachtairí Iaftá: “Mar, nuair a bhí Iosrael ag teacht as an Éigipt, ghabhadar seilbh ar mo thírse

Arnom até o Jaboque e até o Jordão. Agora, devolvam-me essas terras pacificamente”.

[14]Jefté mandou de novo mensageiros ao rei amonita,

[15]dizendo: “Assim diz Jefté: Israel não tomou a terra de Moabe, e tampouco a terra dos amonitas.

[16]Quando veio do Egito, Israel foi pelo deserto até o mar Vermelho e daí para Cades.

[17]Então Israel enviou mensageiros ao rei de Edom, dizendo: ‘Deixa-nos atravessar a tua terra’, mas o rei de Edom não quis ouvi-lo. Enviou o mesmo pedido ao rei de Moabe, e ele também não consentiu. Assim Israel permaneceu em Cades.

[18]“Em seguida, os israelitas viajaram pelo deserto e contornaram Edom e Moabe; passaram a leste de Moabe e acamparam do outro lado do Arnom. Não entraram no território de Moabe, pois o Arnom era a sua fronteira.

[19]“Depois Israel enviou mensageiros a Seom, rei dos amorreus, em Hesbom, e lhe pediu: ‘Deixa-nos atravessar a tua terra para irmos ao lugar que nos pertence!’

[20]Seom, porém, não acreditou que Israel fosse apenas atravessar o seu território; assim convocou todos os seus homens, acampou em Jaza e lutou contra Israel.

ón Arnón go dtí an Iaboc, agus go dtí an Iordáin. Tabhair ar ais é go síochánta anois, dá bhrí sin.”

[14]Chuir Iaftá teachtairí go rí na nAmónach

[15]leis an bhfreagra: “Mar seo a deir Iaftá: Níor ghabh Iosrael tír Mhóab ná tír na nAmónach,

[16]ach nuair a tháinig Iosrael aníos ón Éigipt, chuaigh siad tríd an bhfásach go dtí Muir na nGiolcach agus shroicheadar Cáidéis.

[17]Ansin chuir Iosrael teachtairí go rí Eadóm á rá: ‘Lig dúinn gabhail trí do thír, le do thoil’; ach ní éistfeadh rí Eadóm. Chuireadar teachtairí go rí Mhóáb chomh maith, ach ní bheadh sé sásta. D'fhan Iosrael i gCáidéis dá bhrí sin.

[18]Ansin ghabhadar tríd an bhfásach agus timpeall ar thír Eadóm agus ar thír Mhóáb nó go rabhadar lastoir de chríocha Mhóáb. Shuigh an pobal a longfort taobh thall den Arnón, gan dul thar theorainn Mhóáb, mar is í an Arnón féin teorainn Mhóáb.

[19]Ansin chuir Iosrael teachtairí go dtí Síochon rí na nAmórach a bhí i réim i Heisbeon, agus dúirt Iosrael leis: ‘Lig dúinn, le do thoil, gabháil trí do thalamh go dtí ár dtír féin.’

[20]Ach ní ligfeadh Síochon d'Iosrael gabháil trína chríocha; chruinnigh sé a mhuintir ó léir le chéile dá bhrí sin, shuíodar a longfort i Iáhaz, agus chuir sé cath ar Iosrael.

[21]“Então o Senhor, o Deus de Israel, entregou Seom e todos os seus homens nas mãos de Israel, e este os derrotou. Israel tomou posse de todas as terras dos amorreus que viviam naquela região,

[22]conquistando-a por inteiro, desde o Arnom até o Jaboque, e desde o deserto até o Jordão.

[23]“Agora que o Senhor, o Deus de Israel, expulsou os amorreus da presença de Israel, seu povo, queres tu tomá-la?

[24]Acaso não tomas posse daquilo que o teu deus Camos te dá? Da mesma forma tomaremos posse do que o Senhor, o nosso Deus, nos deu.

[25]És tu melhor do que Balaque, filho de Zipor, rei de Moabe? Entrou ele alguma vez em conflito com Israel ou lutou com ele?

[26]Durante trezentos anos Israel ocupou Hesbom, Aroer, os povoados ao redor e todas as cidades às margens do Arnom. Por que não os reconquistaste todo esse tempo?

[27]Nada fiz contra ti, mas tu estás cometendo um erro, lutando contra mim. Que o Senhor, o Juiz, julgue hoje a disputa entre os israelitas e os amonitas”.

[28]Entretanto, o rei de Amom não deu atenção à mensagem de Jefté.

[21]Thug an Tiarna Dia Iosrael Síochon agus a mhuintir go léir ar láimh d'Iosrael; bhris Iosrael orthu

[22]agus ghabh seilbh ar chríocha uile na nAmórach ó Arnón go Iaboc agus ó fhásach go Iordáin.

[23]Má dhíbir an Tiarna Dia Iosrael na hAmóraigh ó Arnón go Iaboc, roimh a phobal Iosrael, an ndéanfaidh do leithéidse sinn a chur as seilbh anois?

[24]Nach bhfuil greim agaibh ar gach ar bhain Camóis bhur ndia dá sealbhóirí? Tá greim againne chomh maith ar gach ar bhain an Tiarna ár nDia dá sealbhóirí.

[25]An fearr d'fhear thú ná Bálác mac Zipeor rí Mhóab? Ar thug seisean dúshlán Iosrael riamh? Ar chuir sé cogadh riamh orthu?

[26]Fad a bhí Iosrael ag cur fúthu i Heisbeon agus ina shráidbhailte, nó in Aroéir agus ina shráidbhailte nó in aon cheann de na cathracha ar bhruach na Iordáine (ar feadh trí chéad bliain), cad ina thaobh nár ghnóthaigh sibh na háiteanna sin ar ais i gcaitheamh an ama sin?

[27]Maidir liomsa, ní dhearna mé aon choir i bhur n-aghaidh, ach tá sibhse ag déanamh éagóra orm trí bheith ag cur cogaidh orm. Tugadh an Tiarna, an breitheamh, breith inniu idir clann Iosrael agus na hAmónaigh.”

[28]Níor thug rí na nAmónach aon aird ar an teachtaireacht a chuir Iaftá chuige.

Móid agus Bua Iaftá

[29]Então o Espírito do Senhor se apossou de Jefté. Este atravessou Gileade e Manassés, passou por Mispá de Gileade, e daí avançou contra os amonitas.

[30]E Jefté fez este voto ao Senhor: “Se entregares os amonitas nas minhas mãos,

[31]aquele que estiver saindo da porta da minha casa ao meu encontro, quando eu retornar da vitória sobre os amonitas, será do Senhor, e eu o oferecerei em holocausto”.

[32]Então Jefté foi combater os amonitas, e o Senhor os entregou nas suas mãos.

[33]Ele conquistou vinte cidades, desde Aroer até as vizinhanças de Minite, chegando a Abel-Queramim. Assim os amonitas foram subjugados pelos israelitas.

[34]Quando Jefté chegou à sua casa em Mispá, sua filha saiu ao seu encontro, dançando ao som de tamborins. E ela era filha única. Ele não tinha outro filho ou filha.

[35]Quando a viu, rasgou suas vestes e gritou: “Ah, minha filha! Estou angustiado e desesperado por sua causa, pois fiz ao Senhor um voto que não posso quebrar”.

[36]“Meu pai”, respondeu ela, “sua palavra foi dada ao Senhor. Faça comigo o que

[29]Tháinig spiorad an Tiarna ar Iaftá agus ghabh sé sin trí Ghileád anonn agus trí Mhanaise gur shroich sé Mizpeá i nGileád agus ghluais sé ó Mhizpeá i nGileád ar chúl na nAmónach.

[30]Agus thug Iaftá móid don Tiarna agus is é a dúirt sé: “Má thugann tú na hAmónaigh suas dom

[31]is leis an Tiarna go dearfa an té is túisce a thiocfaidh i mo dháil as doirse mo thí agus mé ag casadh abhaile go caithréimeach tar éis cath a chur ar na hAmónaigh agus déanfaidh mé an duine sin a ofráil ina íobairt uileloiscthe.”

[32]Ghabh Iaftá sall chun catha in aghaidh na nAmónach mar sin agus thug an Tiarna isteach ina láimh iad.

[33]Rinne sé iad a chiapadh ó Aroéir geall leis go Minít (fiche cathair) agus go hÁbael Carámaím gur chuir a n-ár agus a n-eirleach i dtreo gur cloíodh na hAmónaigh ag clann Iosrael.

[34]Tháinig Iaftá ar ais chun a thí féin i Mizpeá ansin agus féach, tháinig a iníon amach ina dháil le ceol tiompán agus le rince. Ba í a leanbh aonair í, mar ní raibh mac ná iníon aige ach ise amháin.

[35]Nuair a chonaic sé í stróic sé a chuid éadaigh agus dúirt: “Uch, a iníon ó, cad é mar bhrón a chuireann tú orm! Mo mhairg gur thusa is cúis le mo chumha. Óir thug mé gealltanas don Tiarna agus ní thig liom dul siar ar mo mhóid.”

[36]Agus dúirt sise leis: “A athair, má thug tú gealltanas don Tiarna, déan de réir na

prometeu, agora que o Senhor o vingou dos seus inimigos, os amonitas.”

móide a rinne tú, ó d'imir an Tiarna díoltas thar do cheann ar do naimhde, ar na hAmónaigh.”

[37]E prosseguiu: “Mas conceda-me dois meses para vagar pelas colinas e chorar com as minhas amigas, porque jamais me casarei”.

[37]Lean sí uirthi agus dúirt lena hathair: “Déantar an méid seo ar mo shonsa: lig dom imeacht uait agus dhá mhí a chaitheamh ar na sléibhte chun go gcaoinfidh mé m'óghacht i bhfochair mo chompánach.”

[38]“Vá!”, disse ele. E deixou que ela fosse por dois meses. Ela e suas amigas foram para as colinas e choraram porque ela jamais se casaria.

[38]D'fhreagair seisean: “Imigh leat,” agus lig sé uaidh í go ceann dhá mhí. D'imigh sí mar sin, í féin agus a compánaigh, agus chaoin sí a hóghacht ar na sléibhte.

[39]Passados os dois meses, ela voltou a seu pai, e ele fez com ela o que tinha prometido no voto. Assim, ela nunca deixou de ser virgem. Daí vem o costume em Israel

[39]Agus i gceann dhá mhí, tháinig sí ar ais chun a hathar agus rinne seisean léi de réir na móide a bhí tugtha aige. Níor chuir sí aithne riamh ar fhear. Rinne nós de in Iosrael

[40]de saírem as moças durante quatro dias, todos os anos, para celebrar a memória da filha de Jefté, o gileadita.

[40]go dtéadh cailíní óga Iosrael gach bliain chun iníon Iaftá, an Gileádach, a chaoineadh ar an sliabh ar feadh ceithre lá sa bhliain.

Juízes 12

O Conflito de Jefté contra Efraim

[1]Os homens de Efraim foram convocados para a batalha; dirigiram-se para Zafom e disseram a Jefté: “Por que você foi lutar contra os amonitas sem nos chamar para irmos juntos? Vamos queimar a sua casa e você junto!”

[2]Jefté respondeu: “Eu e meu povo estávamos envolvidos numa grande contenda com os amonitas, e, embora eu os tenha chamado, vocês não me livraram das mãos deles.

Breithiúna 12

Cogaíocht

[1]Tionóladh fir Eafráim, agus chuadar sall i dtreo Záfón, agus dúradar le Iaftá: “Cén fáth a ndeachaigh tú sall chun catha leis na hAmónaigh gan a iarraidh orainne dul leat? Cuirfimid do theach trí thine ar do mhullach.”

[2]D'fhreagair Iaftá iad: “Bhí brú mór orm féin agus ar mo mhuintir; bhí na hAmónaigh ag luí go crua orainn. Ghlaoigh mé oraibh teacht, ach níor fhuascail sibh mé as a lámha.

[3]Quando vi que vocês não ajudariam, arrisquei a vida e fui lutar contra os amonitas, e o Senhor me deu a vitória sobre eles. E, por que vocês vieram para cá hoje? Para lutar contra mim?”

[3]Nuair a chonaic mé nach dtiocfadh sibh i gcabhair orm, chuir mé m'anam i bhfiontar agus chuir mé chun bóthair in aghaidh na nAmónach, agus thug an Tiarna ar láimh dom iad. Cén fáth a bhfuil sibhse ag teacht inniu chun cogadh a chur orm?”

[4]Jefté reuniu então todos os homens de Gileade e lutou contra Efraim. Os gileaditas feriram os efraimitas porque estes tinham dito: “Vocês, gileaditas, são desertores de Efraim e de Manassés”.

[4]Ansin chruinnigh Iaftá sluaite Ghileád go léir agus chuir cath ar Eafráim, agus chuir sluaite Ghileád an teitheadh ar Eafráim mar go raibh siadsan á rá: “Níl ionaibh ach lucht tréigthe Eafráim, a Ghileádacha, i lár Eafráim agus Mhanaise!”

[5]Os gileaditas tomaram as passagens do Jordão que conduziam a Efraim. Sempre que um fugitivo de Efraim dizia: “Deixem-me atravessar”, os homens de Gileade perguntavam: “Você é efraimita?” Se respondesse que não,

[5]Ghabh na Gileádaigh áthanna na Iordáine ar na hEafráimigh. Ansin nuair a deireadh aon teifeach ó Eafráim: “Scaoil anonn mé!” deireadh fir Ghileád: “An as Eafráim duit?” Nuair a deireadh sé: “Ní hea,”

[6]diziam: “Então diga: Chibolete”. Se ele dissesse: “Sibolete”, sem conseguir pronunciar corretamente a palavra, prendiam-no e matavam-no no lugar de passagem do Jordão. Quarenta e dois mil efraimitas foram mortos naquela ocasião.

[6]deiridís leis: “Abair si*bolet* más ea,” agus deireadh sé: *“Suibolet,”* mar nach bhfeadfadh sé an focal a fhoghrú i gceart. Ansin ghabhaidís é agus chuiridís chun báis é ag áthanna na Iordáine. Cailleadh dhá mhile agus daichead d'fhir Eafráim an uair sin.

[7]Jefté liderou Israel durante seis anos. Então o gileadita Jefté morreu e foi sepultado numa cidade de Gileade.

[7]Bhí Iaftá ina bhreitheamh in Iosrael ar feadh sé bliana. Ansin d'éag Iaftá an Gileádach agus adhlacadh é ina chathair féin, Mizpeá i nGileád.

Ibsã, Elom e Abdom

[8]Depois de Jefté, Ibsã, de Belém, liderou Israel.

[9]Teve trinta filhos e trinta filhas. Deu suas filhas em casamento a homens de fora do seu clã e trouxe para os seus filhos trinta

Mion-Bhreithiúna

[8]Ina dhiaidhsean bhí Ibzeán ó Bheithil ina bhreitheamh in Iosrael.

[9]Bhí deichniúr is fiche mac aige agus deichniúr agus fiche iníon. Thug sé a iníonacha le pósadh lasmuigh dá fhine,

mulheres de fora do seu clã. Ibsã liderou Israel durante sete anos.

agus thug deichniúr is fiche brídeog isteach chun a chlann mhac. Bhí sé ina bhreitheamh in Iosrael ar feadh seacht mbliana.

[10]Então Ibsã morreu e foi sepultado em Belém.

[10]Ansin fuair Ibzeán bás agus adhlacadh é i mBeithil.

[11]Depois dele, Elom, da tribo de Zebulom, liderou Israel durante dez anos.

[11]Bhí Éalón as Zabúlun ina bhreitheamh in Iosrael ina dhiaidh. Bhí sé ina bhreitheamh in Iosrael ar feadh deich mbliana.

[12]Elom morreu e foi sepultado em Aijalom, na terra de Zebulom.

[12]Ansin d'éag Éalón as Zabúlun agus adhlacadh é in [Éalón] i dtír Zabúlun.

[13]Depois dele, Abdom, filho de Hilel, de Piratom, liderou Israel.

[13]Bhí Abdón mac Hilléil ó Phireátón ina bhreitheamh ina dhiaidh.

[14]Teve quarenta filhos e trinta netos, que montavam setenta jumentos. Abdom liderou Israel durante oito anos.

[14]Bhí daichead mac agus tríocha mac mic aige agus dhéanaidís marcaíocht ar seachtó asal. Bhí sé ina bhreitheamh in Iosrael ar feadh ocht mbliana.

[15]Então Abdom, filho de Hilel, morreu e foi sepultado em Piratom, na terra de Efraim, na serra dos amalequitas.

[15]Ansin d'éag Abdón mac Hilléil agus adhlacadh é i bPireátón i dtír Eafráim in ardáin na nAmailéiceach.

Juízes 13

O Nascimento de Sansão

[1]Os israelitas voltaram a fazer o que o Senhor reprova, e por isso o Senhor os entregou nas mãos dos filisteus durante quarenta anos.

[2]Certo homem de Zorá, chamado Manoá, do clã da tribo de Dã, tinha mulher estéril.

[3]Certo dia o Anjo do Senhor apareceu a ela e lhe disse: “Você é estéril, não tem filhos, mas engravidará e dará à luz um filho.

Breithiúna 13

Samsón

[1]Chrom clann Iosrael ar an olc a dhéanamh arís i bhfianaise an Tiarna, agus thug an Tiarna ar láimh iad do na Filistínigh ar feadh daichead bliain.

[2]Bhí fear ó Zorá de threibh Dhán darbh ainm Mánóach, agus bhí a bhean aimrid, gan aon chlann uirthi.

[3]Thaispeáin aingeal an Tiarna é féin don bhean seo agus dúirt sé léi: “Féach, tá tú aimrid, gan chlann (ach gabhfaidh tú gin agus béarfaidh tú mac).

[4]Todavia, tenha cuidado, não beba vinho nem outra bebida fermentada e não coma nada impuro;

[5]e não se passará navalha na cabeça do filho que você vai ter, porque o menino será nazireu, consagrado a Deus desde o nascimento; ele iniciará a libertação de Israel das mãos dos filisteus".

[6]Então a mulher foi contar tudo ao seu marido: "Um homem de Deus veio falar comigo. Era como um anjo de Deus, de aparência impressionante. Não lhe perguntei de onde tinha vindo, e ele não me disse o seu nome,

[7]mas ele me assegurou: 'Você engravidará e dará à luz um filho. Todavia, não beba vinho nem outra bebida fermentada, e não coma nada impuro, porque o menino será nazireu, consagrado a Deus, desde o nascimento até o dia da sua morte' ".

[8]Então Manoá orou ao Senhor: "Senhor, eu te imploro que o homem de Deus que enviaste volte para nos instruir sobre o que fazer com o menino que vai nascer".

[9]Deus ouviu a oração de Manoá, e o Anjo de Deus veio novamente falar com a mulher quando ela estava sentada no campo; Manoá, seu marido, não estava com ela.

[4]Bí ar d'aire le barr cúraim dá bhrí sin as seo amach, agus ná hól aon fhíon ná aon deoch chrua, agus ná hith aon ní neamhghlan,

[5]mar féach, gabhfaidh tú gin agus bearfaidh tú mac. Ná luíodh rásúr ar a cheann mar beidh an mac ina naizíreach do Dhia ó bhroinn a mháthar; eisean a chuirfidh tús le fuascailt Iosrael ó láimh na bhFilistíneach."

[6]D'imigh an bhean ansin agus dúirt lena céile: "Tháinig giolla ó Dhia chugam agus bhí a ghnúis mar ghnúis aingeal Dé le maorgacht. Níor chuir mé ceist air cárbh as dó, ná níor inis seisean dom cad ab ainm dó.

[7]Ach dúirt sé liom: 'Gabhfaidh tú gin, féach, agus béarfaidh tú mac; ná hól aon fhíon ná aon deoch chrua, dá bhrí sin, agus ná hith aon ní neamhghlan, mar beidh an mac ina naizíreach do Dhia ó lá a shaolaithe go lá a bháis.' "

[8]Ansin rinne Mánóach achainí chun an Tiarna agus dúirt: "A Thiarna, tagadh, impím ort, an giolla Dé a chuir tú cheana, chugainn arís; agus múineadh sé dúinn céard atá le déanamh againn leis an mac nuair a shaolófar é."

[9]D'éist an Tiarna le glór Mhánóach agus tháinig aingeal Dé arís chun na mná agus í ina suí sa ghort, gan Mánóach a céile ina teannta.

[10]Mas ela foi correndo contar ao marido: “O homem que me apareceu outro dia está aqui!”

[10]Rith sí le teann deabhaidh agus dúirt lena fear: “Féach, an fear a tháinig chugam an lá eile, thaibhsigh sé arís dom.”

[11]Manoá levantou-se e seguiu a mulher. Quando se aproximou do homem, perguntou: “Foste tu que falaste com a minha mulher?” “Sim”, disse ele.

[11]D'éirigh Mánóach agus lean a bhean agus tháinig chun an fhir agus dúirt leis: “An tú an té a labhair leis an mbean seo?” “Is mé,” ar sé.

[12]“Quando as tuas palavras se cumprirem”, Manoá perguntou, “como devemos criar o menino? O que ele deverá fazer?”

[12]Ansin dúirt Mánóach: “Anois, nuair a chomhlíonfar do bhriathra, cén sort riail bheatha a bheidh ag an ógánach agus conas a dhéanfaidh sé é féin a iompar?”

[13]O Anjo do Senhor respondeu: “Sua mulher terá que seguir tudo o que eu ordenei a você.

[13]Agus dúirt aingeal an Tiarna le Mánóach: “Na nithe a choisc mé ar an mbean seo, seachnaíodh [seisean] chomh maith.

[14]Ela não poderá comer nenhum produto da videira, nem vinho ou bebida fermentada, nem comer nada impuro. Terá que obedecer a tudo o que ordenei a você”.

[14]Ná blaiseadh [sé] aon ní de thoradh na fíniúna, agus ná hóladh sé aon fhíon ná aon deoch chrua, agus ná hitheadh sé aon ní neamhghlan; déanadh sé de réir na n-orduithe go léir a thug mé don bhean seo.”

[15]Manoá disse ao Anjo do Senhor: “Gostaríamos que ficasses conosco; queremos oferecer-te um cabrito”.

[15]Dúirt Mánóach le haingeal an Tiarna: “Fan farainn, le do thoil, nó go n-ullmhóimid meannán duit,”

[16]O Anjo do Senhor respondeu: “Se eu ficar, não comerei nada. Mas, se você preparar um holocausto, ofereça-o ao Senhor”. Manoá não sabia que ele era o Anjo do Senhor.

[19] Esrom gerou a Rão, Rão gerou a Aminadabe,

[20] Aminadabe gerou a Naassom, Naassom gerou a Salmom,

[21] Salmom gerou a Boaz, Boaz gerou a Obede,

[22] Obede gerou a Jessé, e Jessé gerou a Davi.

[17]Agus thug mná na comharsanachta ainm air. “Saolaíodh mac do Náoimí,” a dúradar, agus thugadar Óbaed air. Ba eisean athair Ieise, athair Dháiví.

[18]Seo iad sliocht Pheiriz: ghin Peiriz Heazrón;

[19]ghin Heazrón Rám; ghin Rám Amaineádáb;

[20]ghin Amaineádáb Nachsón; ghin Nachsón Salmón;

[21]ghin Salmón Boaz; ghin Boaz Óbaed;

[22]ghin Óbaed Ieise, agus ghin Ieise Dáiví.

O primeiro livro de Samuel

1 Samuel 1

Elcana e suas mulheres

[1] Houve um homem de Ramataim-Zofim, da região montanhosa de Efraim, cujo nome era Elcana, filho de Jeroão, filho de Eliú, filho de Toú, filho de Zufe, efraimita.

[2] Tinha ele duas mulheres: uma se chamava Ana, e a outra, Penina; Penina tinha filhos; Ana, porém, não os tinha.

[3] Este homem subia da sua cidade de ano em ano a adorar e a sacrificar ao SENHOR dos Exércitos, em Siló. Estavam ali os dois filhos de Eli, Hofni e Finéias, como sacerdotes do SENHOR.

[4] No dia em que Elcana oferecia o seu sacrifício, dava ele porções deste a Penina, sua mulher, e a todos os seus filhos e filhas.

[5] A Ana, porém, dava porção dupla, porque ele a amava, ainda mesmo que o SENHOR a houvesse deixado estéril.

[6] (A sua rival a provocava excessivamente para a irritar, porquanto o SENHOR lhe havia cerrado a madre.)

[7] E assim o fazia ele de ano em ano; e, todas as vezes que Ana subia à Casa do SENHOR, a outra a irritava; pelo que chorava e não comia.

[8] Então, Elcana, seu marido, lhe disse: Ana, por que choras? E por que não

1 Samúéil

1 Samúéil 1

Breith Shamúéil

[1]Bhí fear áirithe ann ó Rámátaím Zóifím i sléibhte Eafráim. Sé ainm a bhí air Ealcáná mac Iarohám mhic Eilíhiú mhic Thochú mhic Zúf, Eafráimeach.

[2]Bhí beirt bhan aige; Hanná a ba ainm do dhuine díobh agus Pinineá a ba ainm do dhuine eile. Bhí clann ar Phinineá, ach ní raibh ar Hanná.

[3]Théadh an fear seo suas gach bliain as a chathair féin chun adhradh agus chun íobairt a ofráil do Thiarna na Slua i Sileo. Bhí beirt mhac Éilí, Hofnaí agus Píneachás, mar shagairt leis an Tiarna ansiúd.

[4]An lá a dhéanadh Ealcáná íobairt thugadh sé scaireanna do Phinineá a bhean agus dá clann mhac agus iníonacha go léir.

[5]Bíodh gurbh ionúin leis Hanná, ní thugadh sé ach scair amháin di, toisc gur dhruid an Tiarna a broinn.

[6]A comhleacaí mná, bhíodh sí ag caitheamh achasán léi, ag spochadh aisti, á chasadh léi gur dhruid an Tiarna a broinn.

[7]Mar sin a bhí, bliain i ndiaidh na bliana; gach uair dá dtéadh Hanná suas go teach an Tiarna, bhíodh Pinineá ag caitheamh achasán léi. Bhíodh Hanná ag gol dá bharrsan agus ní chaitheadh sí greim bia.

[8]Ansin dúirt Ealcáná a fear léi: "A Hanná, cad chuige a bhfuil tú ag gol? Cad chuige

comes? E por que estás de coração triste? Não te sou eu melhor do que dez filhos?

nach bhfuil tú ag ithe? Cad chuige go bhfuil tú dubhach? Nach fearr mise agat na deichniúr mac?"

A oração e o voto de Ana

9 Após terem comido e bebido em Siló, estando Eli, o sacerdote, assentado numa cadeira, junto a um pilar do templo do SENHOR,

9Nuair a bhí bia agus deoch caite acu i Sileo, d'éirigh Hanná agus sheas sí os comhair an Tiarna. Bhí Éilí an sagart ina shuí ina chathaoir láimh le hursain theampall an Tiarna.

10 levantou-se Ana, e, com amargura de alma, orou ao SENHOR, e chorou abundantemente.

10Bhí sí an-bhuartha agus ghuigh sí an Tiarna agus na deora léi go goirt.

11 E fez um voto, dizendo: SENHOR dos Exércitos, se benignamente atentares para a aflição da tua serva, e de mim te lembrares, e da tua serva te não esqueceres, e lhe deres um filho varão, ao SENHOR o darei por todos os dias da sua vida, e sobre a sua cabeça não passará navalha.

11Thug sí móid á rá: "A Thiarna na Slua! Má thugann tú aird ar bhuaireamh do bhanóglaigh agus cuimhneamh orm, agus gan dearmad a dhéanamh de do bhanóglach, agus leanbh mic a thabhairt do do bhanóglach, tabharfaidh mise é don Tiarna lena shaol uile, agus ní bhainfidh rásúr lena cheann."

12 Demorando-se ela no orar perante o SENHOR, passou Eli a observar-lhe o movimento dos lábios,

12Lean sí uirthi ag guí i láthair an Tiarna agus bhí Éilí ag breathnú ar a béal,

13 porquanto Ana só no coração falava; seus lábios se moviam, porém não se lhe ouvia voz nenhuma; por isso, Eli a teve por embriagada

13mar bhí Hanná ag labhairt ina croí agus a beola ag corraí ach gan aon ghlór le cloisteáil. Shíl Éilí dá bhrí sin go raibh sí ar meisce

14 e lhe disse: Até quando estarás tu embriagada? Aparta de ti esse vinho!

14agus dúirt sé léi: "An fada a bheidh tú ar meisce? Cuir uait do chuid fíona."

15 Porém Ana respondeu: Não, senhor meu! Eu sou mulher atribulada de espírito; não bebi nem vinho nem bebida forte; porém venho derramando a minha alma perante o SENHOR.

15D'fhreagair Hanná: "Ní amhlaidh atá agam, a mháistir," ar sí, "ach is bean mé ar a bhfuil an-doilíos croí. Níor ól mé fíon ná deoch chrua ach bhí m'anam á dhoirteadh amach agam i láthair an Tiarna.

[16] Não tenhas, pois, a tua serva por filha de Belial; porque pelo excesso da minha ansiedade e da minha aflição é que tenho falado até agora.

[17] Então, lhe respondeu Eli: Vai-te em paz, e o Deus de Israel te conceda a petição que lhe fizeste.

[18] E disse ela: Ache a tua serva mercê diante de ti. Assim, a mulher se foi seu caminho e comeu, e o seu semblante já não era triste.

Nasce Samuel e é consagrado a Deus

[19] Levantaram-se de madrugada, e adoraram perante o SENHOR, e voltaram, e chegaram a sua casa, a Ramá. Elcana coabitou com Ana, sua mulher, e, lembrando-se dela o SENHOR,

[20] ela concebeu e, passado o devido tempo, teve um filho, a que chamou Samuel, pois dizia: Do SENHOR o pedi.

[21] Subiu Elcana, seu marido, com toda a sua casa, a oferecer ao SENHOR o sacrifício anual e a cumprir o seu voto.

[22] Ana, porém, não subiu e disse a seu marido: Quando for o menino desmamado, levá-lo-ei para ser apresentado perante o SENHOR e para lá ficar para sempre.

[23] Respondeu-lhe Elcana, seu marido: Faze o que melhor te agrade; fica até que o desmames; tão-somente confirme o SENHOR a sua palavra. Assim, ficou a

[16]Ná bí á cheapadh gur bean táir mé; mar i rith an achair is amhlaidh a bhí mé ag cásamh le barr bróin agus buairimh.”

[17]D'fhreagair Éilí ansin: “Imigh faoi shíocháin, agus go dtuga Dia Iosrael duit ar iarr tú air.”

[18]Agus dúirt sise: “Go bhfaighe do bhanóglach fabhar i do láthair.” Ansin d'imigh an bhean léi; [d'fhill sí ar an halla], d'ith bia, agus ní raibh cuma ghruama uirthi níos mó.

[19]D'éirigh siad go moch ar maidin agus rinne adhradh i láthair an Tiarna, agus d'fhill siad abhaile go Rámá. Luigh Ealcáná lena bhean Hanná agus chuimhnigh an Tiarna uirthi.

[20]Ghabh sí gin, agus in am agus i dtráth rug sí mac agus thug Samúéil mar ainm air, toisc, ar sí “gur iarr mé ar an Tiarna é.”

[21]An bhliain dár gcíonn ghabh Ealcáná agus a chlann go léir suas chun an íobairt bhliantúil a ofráil don Tiarna agus a mhóid a chomhlíonadh don Tiarna.

[22]Ach ní dheachaigh Hanná, mar dúirt sí lena fear: “Nuair a bhainfear an leanbh den chíoch, tabharfaidh mé liom ansin é agus cuirfear i láthair an Tiarna é, agus fanfaidh sé ansiúd go brách.”

[23]Dúirt Ealcáná a fear ansin léi: “Déan mar is fearr a fheictear duit: fan go mbainfidh tú den chíoch é. Go gcuire an Tiarna a bhfuil ráite aige i gcrích.” D'fhan an bhean

mulher e criou o filho ao peito, até que o desmamou.

24 Havendo-o desmamado, levou-o consigo, com um novilho de três anos, um efa de farinha e um odre de vinho, e o apresentou à Casa do SENHOR, a Siló. Era o menino ainda muito criança.

25 Imolaram o novilho e trouxeram o menino a Eli.

26 E disse ela: Ah! Meu senhor, tão certo como vives, eu sou aquela mulher que aqui esteve contigo, orando ao SENHOR.

27 Por este menino orava eu; e o SENHOR me concedeu a petição que eu lhe fizera.

28 Pelo que também o trago como devolvido ao SENHOR, por todos os dias que viver; pois do SENHOR o pedi. E eles adoraram ali o SENHOR.

mar a raibh aici dá bhrí sin agus thug diúl don leanbh nó gur bhain den chíoch é.

24Nuair a bhain sí ó dhiúl é, thug sí léi é, maille le tarbh trí bliana, agus éafá plúir, agus soitheach fíona; thug sí go teach an Tiarna i Sileo é, agus é fós ina leanbh óg.

25Ansin mharaíodar an tarbh, agus thugadar an leanbh do Éilí.

26Dúirt sí “A mháistir, dar do bheo, mise an bhean a sheas anseo láimh leat ag guí chun an Tiarna.

27Seo é an leanbh á bhí a iarraidh agam, agus dheonaigh an Tiarna dom an rud a d'iarr mé air.

28Uime sin thug mé suas don Tiarna é lena shaol. Tá sé tugtha suas don Tiarna.” [D'fhag sí] ansiúd ag an Tiarna é.

1 Samuel 2

O cântico de Ana

1 Então, orou Ana e disse: O meu coração se regozija no SENHOR, a minha força está exaltada no SENHOR; a minha boca se ri dos meus inimigos, porquanto me alegro na tua salvação.

2 Não há santo como o SENHOR; porque não há outro além de ti; e Rocha não há, nenhuma, como o nosso Deus.

3 Não multipliqueis palavras de orgulho, nem saiam coisas arrogantes da vossa boca; porque o SENHOR é o Deus da sabedoria e pesa todos os feitos na balança.

1 Samúéil 2

Laoi Hanná

1Ansin ghuigh Hanná mar leanas: “Tá mórtas croí orm sa Tiarna. Cuireadh breis le mo neart sa Tiarna. Tá mo bheola ag déanamh fonóide faoi mo naimhde, Mar gur lúcháir liom do chumas slánaithe.

2Níl aon neach naofa mar an Tiarna - níl aon neach seachas thú - Níl carraig mar ár nDia.

3Cuir uait an chaint, an chaint uaibhreach sin. Ná bíodh sotal ag sceith as do bhéal, Mar Dia an eolais é an Tiarna Agus meánn seisean na bearta.

[4] O arco dos fortes é quebrado, porém os débeis, cingidos de força.

[5] Os que antes eram fartos hoje se alugam por pão, mas os que andavam famintos não sofrem mais fome; até a estéril tem sete filhos, e a que tinha muitos filhos perde o vigor.

[6] O SENHOR é o que tira a vida e a dá; faz descer à sepultura e faz subir.

[7] O SENHOR empobrece e enriquece; abaixa e também exalta.

[8] Levanta o pobre do pó e, desde o monturo, exalta o necessitado, para o fazer assentar entre os príncipes, para o fazer herdar o trono de glória; porque do SENHOR são as colunas da terra, e assentou sobre elas o mundo.

[9] Ele guarda os pés dos seus santos, porém os perversos emudecem nas trevas da morte; porque o homem não prevalece pela força.

[10] Os que contendem com o SENHOR são quebrantados; dos céus troveja contra eles. O SENHOR julga as extremidades da terra, dá força ao seu rei e exalta o poder do seu ungido.

[11] Então, Elcana foi-se a Ramá, a sua casa; porém o menino ficou servindo ao SENHOR, perante o sacerdote Eli.

Os crimes dos filhos de Eli

[4]Briseadh bogha na dtréan, Ach chuir an mhuintir lag an neart mar chrios fúthu.

[5]Reic an sách é féin ar arán, Ach tá cothú maith arís ar an seang. Tá seachtar clainne ag an aimrid, Ach tá máthair an áil mhóir tréigthe.

[6]Tugann an Tiarna beatha agus bás. Seolann sé daoine síos go Seol agus iompraíonn daoine aníos;

[7]Fágann an Tiarna duine saibhir, duine eile daibhir. Leagann ar lár agus ardaíonn in airde.

[8]Tógann sé an bocht as an luaithreach; Ardaíonn sé na gátaraigh ón gcarn aoiligh, Á gcur ina suí le flatha Agus ag bronnadh cathaoir onóra orthu. Óir is leis an Tiarna colúin na cruinne Agus is orthu a bhunaigh sé an domhan.

[9]Cumhdóidh sé a dhílsigh ar a mbealach; Ach scriosfar na ciontaigh sa dorchadas, Óir ní bheidh an bua ag aon duine trí láimh láidir.

[10]Déanfar smidiríní de naimhde an Tiarna; Beidh an Té is Airde ag toirneach ina n-aghaidh sna flaithis. Tugann an Tiarna a bhreith ar chríocha na cruinne; Bronnann sé neart ar a rí Agus breis cumhachta ar a ungthach.”

Clann Éilí

[11]D'imigh Ealcáná abhaile go Rámá ansin, ach d'fhan an buachaill ag fónamh don Tiarna i láthair Éilí an sagart.

[12] Eram, porém, os filhos de Eli filhos de Belial e não se importavam com o SENHOR;

[13] pois o costume daqueles sacerdotes com o povo era que, oferecendo alguém sacrifício, vinha o moço do sacerdote, estando-se cozendo a carne, com um garfo de três dentes na mão;

[14] e metia-o na caldeira, ou na panela, ou no tacho, ou na marmita, e tudo quanto o garfo tirava o sacerdote tomava para si; assim se fazia a todo o Israel que ia ali, a Siló.

[15] Também, antes de se queimar a gordura, vinha o moço do sacerdote e dizia ao homem que sacrificava: Dá essa carne para assar ao sacerdote; porque não aceitará de ti carne cozida, senão crua.

[16] Se o ofertante lhe respondia: Queime-se primeiro a gordura, e, depois, tomarás quanto quiseres, então, ele lhe dizia: Não, porém hás de ma dar agora; se não, tomá-la-ei à força.

[17] Era, pois, mui grande o pecado destes moços perante o SENHOR, porquanto eles desprezavam a oferta do SENHOR.

A mocidade de Samuel

[18] Samuel ministrava perante o SENHOR, sendo ainda menino, vestido de uma estola sacerdotal de linho.

[19] Sua mãe lhe fazia uma túnica pequena e, de ano em ano, lha trazia quando, com seu marido, subia a oferecer o sacrifício anual.

[12]Scraistí a ba ea clann mhac Éilí, gan aon aird acu ar an Tiarna

[13]agus ba chuma leo faoi chearta an tsagairt i leith a phobail. Nuair a d'ofráladh duine íobairt, thagadh giolla an tsagairt agus an fheoil á bruith; bhíodh forc trí bheann ina láimh

[14]agus ropadh sé sa choire nó sa phota é agus thugadh an sagart leis a dtugadh an forc aníos. Mar sin a dhéanaidís leis na hIosraelaigh go léir a thagadh ansiúd go Sileo.

[15]Thagadh giolla an tsagairt aníos fiú sula mbeadh an tsaill dóite agus deireadh leis an té a bhíodh ag déanamh na híobartha: “Tabhair feoil don sagart le róstadh; ní thógfaidh sé feoil bhruite uait, ach feoil amh.”

[16]Dá ndéarfadh an duine: “Dóidís an tsaill, ar dtús, agus ansin tóg cibé rud is mian leat,” deireadh sé, “Cuir uait! Tabhair dom anois é, nó neachtar acu, tógfaidh mé liom é le láimh láidir.”

[17]Ba pheaca gráiniúil do na hógánaigh é sin i súile an Tiarna, óir bhí tarcaisne á tabhairt acu don íobairt a bhí á déanamh don Tiarna.

[18]Bhí Samúéil ag freastal i láthair an Tiarna, agus bhí éafód línéadaigh faoina choim ar an mbuachaill.

[19]Dhéanadh a mháthair cóta beag dó gach bliain agus thugadh sí chuige é nuair a thagadh sí aníos lena fear chun an íobairt bhliantúil a ofráil.

[20] Eli abençoava a Elcana e a sua mulher e dizia: O SENHOR te dê filhos desta mulher, em lugar do filho que devolveu ao SENHOR. E voltavam para a sua casa.

[21] Abençoou, pois, o SENHOR a Ana, e ela concebeu e teve três filhos e duas filhas; e o jovem Samuel crescia diante do SENHOR.

Eli repreende os seus filhos

[22] Era, porém, Eli já muito velho e ouvia tudo quanto seus filhos faziam a todo o Israel e de como se deitavam com as mulheres que serviam à porta da tenda da congregação.

[23] E disse-lhes: Por que fazeis tais coisas? Pois de todo este povo ouço constantemente falar do vosso mau procedimento.

[24] Não, filhos meus, porque não é boa fama esta que ouço; estais fazendo transgredir o povo do SENHOR.

[25] Pecando o homem contra o próximo, Deus lhe será o árbitro; pecando, porém, contra o SENHOR, quem intercederá por ele? Entretanto, não ouviram a voz de seu pai, porque o SENHOR os queria matar.

[26] Mas o jovem Samuel crescia em estatura e no favor do SENHOR e dos homens.

Profecia contra a casa de Eli

[27] Veio um homem de Deus a Eli e lhe disse: Assim diz o SENHOR: Não me manifestei, na verdade, à casa de teu pai,

[20]Ansin thugadh Éilí a bheannacht d'Ealcáná agus a bhean á rá: “Go mbronna an Tiarna clann ort ón mbean seo in áit an mhic a thug sí suas don Tiarna.” Ansin théidís abhaile.

[21]D'fhiosraigh an Tiarna Hanná: toirchíodh í agus rug sí triúr mac agus beirt iníon. Idir an dá linn bhí an leanbh Samúéil ag fás aníos os comhair an Tiarna.

[22]Cé go raibh Éilí an-aosta faoin am seo, fuair sé fios gach ní a bhí á dhéanamh ag a chlann mhac ar Iosrael go léir (agus go mbídís ag luí leis na mná a bhíodh ag freastal ag doras Bhoth na Teagmhála).

[23]Dúirt sé leo: “Cad chuige a bhfuil nithe mar sin ar siúl agaibh? Cluinim faoi bhur ndrochbhearta ón bpobal seo go léir.

[24]Mo náire, a mhaca, ní aon scéalta fónta fúibh a chluinim á scaipeadh ag pobal an Tiarna.

[25]Má pheacaíonn fear in aghaidh fir eile, tá Dia aige mar idirghabhálaí; ach má pheacaíonn sé in aghaidh an Tiarna, cé dhéanfaidh idirghuí ar a shon?” Ach thugadar an chluas bhodhar dá n-athair, mar ba é toil an Tiarna iad a chur chun báis.

[26]Idir an dá linn bhí an leanbh Samúéil ag dul ar aghaidh i bpearsa agus i ngrásta i láthair an Tiarna agus i láthair daoine.

Bagairt

[27]Tháinig giolla Dé go hÉilí agus dúirt leis: “Deir an Tiarna: ‘Nár nocht mé mé féin do

estando os israelitas ainda no Egito, na casa de Faraó?

[28] Eu o escolhi dentre todas as tribos de Israel para ser o meu sacerdote, para subir ao meu altar, para queimar o incenso e para trazer a estola sacerdotal perante mim; e dei à casa de teu pai todas as ofertas queimadas dos filhos de Israel.

[29] Por que pisais aos pés os meus sacrifícios e as minhas ofertas de manjares, que ordenei se me fizessem na minha morada? E, tu, por que honras a teus filhos mais do que a mim, para tu e eles vos engordardes das melhores de todas as ofertas do meu povo de Israel?

[30] Portanto, diz o SENHOR, Deus de Israel: Na verdade, dissera eu que a tua casa e a casa de teu pai andariam diante de mim perpetuamente; porém, agora, diz o SENHOR: Longe de mim tal coisa, porque aos que me honram, honrarei, porém os que me desprezam serão desmerecidos.

[31] Eis que vêm dias em que cortarei o teu braço e o braço da casa de teu pai, para que não haja mais velho nenhum em tua casa.

[32] E verás o aperto da morada de Deus, a um tempo com o bem que fará a Israel; e jamais haverá velho em tua casa.

[33] O homem, porém, da tua linhagem a quem eu não afastar do meu altar será

theaghlach d'athar agus iad i ndaoirse ag muintir Fhorainn san Éigipt?

[28]Thogh mé féin iad as treibheanna Iosrael go léir le bheith ina sagairt, le dul suas chun m'altóra, le túis a dhó, leis an éafód a iompar; do theaghlach d'athar a thug mé m'íobairtí loiscthe ó chlann Iosrael go léir.

[29]Cad ab áil libh más ea súil na sainte a chaitheamh ar na híobairtí agus ar na hofrálacha a d'ordaigh mé? Agus onóir a thabhairt do bhur gclann thar mar a thugann sibh dom féin, á gcothú ar thogha spólaí na n-ofrálacha go léir ó mo phobal Iosrael?

[30]Uime sin - agus sé an Tiarna Dia Iosrael atá ag labhairt anois - fág gur gheall mé go siúlfadh do theaghlach agus teaghlach d'athar i m'fhianaise go brách, anois, áfach - sé an Tiarna Dia Iosrael atá ag caint - i bhfad uaim a leithéid! An mhuintir a thugann onóir domsa, tugaim onóir dóibh; an mhuintir a thugann tarcaisne domsa, ní bheidh meas orthu.

[31]Féach, tá na laethanta ag teacht nuair a smiotfaidh mé do neart agus neart theaghlach d'athar i dtreo nach bhfágfar oiread agus aon seanduine amháin i do theaghlach.

[32]Caithfidh tú súil éadmhar namhad ar an maith go léir a dhéanfar d'Iosrael, ach ní fhágfar oiread agus aon seanduine amháin i do theaghlach go brách.

[33]An duine agaibh nach scriosfaidh mé ó m'altóir, fanfaidh sé lena shúile a dhalladh

para te consumir os olhos e para te entristecer a alma; e todos os descendentes da tua casa morrerão na flor da idade.

34 Ser-te-á por sinal o que sobrevirá a teus dois filhos, a Hofni e Finéias: ambos morrerão no mesmo dia.

35 Então, suscitarei para mim um sacerdote fiel, que procederá segundo o que tenho no coração e na mente; edificar-lhe-ei uma casa estável, e andará ele diante do meu ungido para sempre.

36 Será que todo aquele que restar da tua casa virá a inclinar-se diante dele, para obter uma moeda de prata e um bocado de pão, e dirá: Rogo-te que me admitas a algum dos cargos sacerdotais, para ter um pedaço de pão, que coma.

agus lena mhisneach a chreimeadh; ach scriosfar an bhreis ar do theaghlach le claíomh [na bhfear].

34Bíodh an íde a imeoidh ar do bheirt mac, Hofnaí agus Píneachás, mar chomhartha agat; gheobhaidh siad araon bás an lá céanna.

35Ardóidh mé suas sagart dílis dom féin; déanfaidh sé de réir mo chroí agus m'intinne. Tógfaidh mé teach daingean dó agus siúlfaidh sé i láthair m'ungthaigh go brách.

36Gach duine de do theaghlach a fhágfar, tiocfaidh siad ar a nglúine chuige, ag lorg bonn airgid nó builín aráin á rá: Tabhair gnó beag éigin sagairt dom le déanamh le do thoil, d'fhonn go mbeadh greim éigin aráin le hithe agam.' ”

1 Samuel 3

Deus fala com Samuel numa visão

1 O jovem Samuel servia ao SENHOR, perante Eli. Naqueles dias, a palavra do SENHOR era mui rara; as visões não eram freqüentes.

2 Certo dia, estando deitado no lugar costumado o sacerdote Eli, cujos olhos já começavam a escurecer-se, a ponto de não poder ver,

3 e tendo-se deitado também Samuel, no templo do SENHOR, em que estava a arca, antes que a lâmpada de Deus se apagasse,

4 o SENHOR chamou o menino: Samuel, Samuel! Este respondeu: Eis-me aqui!

5 Correu a Eli e disse: Eis-me aqui, pois tu me chamaste. Mas ele disse: Não te

1 Samúéil 3

Glaoch Shamúéil

1Bhí an gasúr Samúéil ag fónamh don Tiarna i láthair Éilí. Is annamh a bhíodh focal ón Tiarna sna laethanta sin, agus is annamh a d'fheictí físeanna.

2Tharla lá amháin go raibh Éilí ina luí ina sheomra féin. Bhí radharc na súl ag teip air i dtreo nach raibh sé in ann dada a fheiceáil.

3Ní raibh lóchrann Dé imithe as fós, agus bhí Samúéil ina luí i dteampall an Tiarna mar a raibh áirc Dé.

4Ansin ghlaoigh an Tiarna: “A Shamúéil!” D'fhreagair seisean: “Seo anseo mé,”

5agus rith sé leis go dtí Éilí agus dúirt: “Seo anseo mé, mar ghlaoigh tú orm.” Ach dúirt

chamei; torna a deitar-te. Ele se foi e se deitou.

6 Tornou o SENHOR a chamar: Samuel! Este se levantou, foi a Eli e disse: Eis-me aqui, pois tu me chamaste. Mas ele disse: Não te chamei, meu filho, torna a deitar-te.

7 Porém Samuel ainda não conhecia o SENHOR, e ainda não lhe tinha sido manifestada a palavra do SENHOR.

8 O SENHOR, pois, tornou a chamar a Samuel, terceira vez, e ele se levantou, e foi a Eli, e disse: Eis-me aqui, pois tu me chamaste. Então, entendeu Eli que era o SENHOR quem chamava o jovem.

9 Por isso, Eli disse a Samuel: Vai deitar-te; se alguém te chamar, dirás: Fala, SENHOR, porque o teu servo ouve. E foi Samuel para o seu lugar e se deitou.

10 Então, veio o SENHOR, e ali esteve, e chamou como das outras vezes: Samuel, Samuel! Este respondeu: Fala, porque o teu servo ouve.

11 Disse o SENHOR a Samuel: Eis que vou fazer uma coisa em Israel, a qual todo o que a ouvir lhe tinirão ambos os ouvidos.

12 Naquele dia, suscitarei contra Eli tudo quanto tenho falado com respeito à sua casa; começarei e o cumprirei.

13 Porque já lhe disse que julgarei a sua casa para sempre, pela iniqüidade que ele bem conhecia, porque seus filhos se

seisean: “Níor ghlaoigh mé ort; luigh síos arís.” D'imigh sé mar sin, agus luigh síos.

6Ghlaoigh an Tiarna arís. “A Shamúéil!” D'éirigh Samúéil agus chuaigh go dtí Éilí agus dúirt: “Seo anseo mé mar ghlaoigh tú orm.” Agus d'fhreagair seisean: “Níor ghlaoigh mé ort, a mhic; luigh síos arís.”

7Ní raibh aon aithne fós ag Samúéil ar an Tiarna, ná níor foilsíodh briathar an Tiarna dó fós.

8Ghlaoigh an Tiarna ar Shamúéil den tríú huair. D'éirigh seisean agus chuaigh go dtí Éilí agus dúirt: “Seo anseo mé, mar ghlaoigh tú orm.” Thuig Éilí ansin gurbh é an Tiarna a bhí ag glaoch ar an ngasúr.

9Dúirt sé le Samúéil: “Imigh agus luigh síos, agus má ghlaonn aon duine ort abair: ‘Labhair, a Thiarna, tá do sheirbhíseach ag éisteacht.’ ” D'imigh Samúéil mar sin agus luigh sé síos ina áit féin.

10Tháinig an Tiarna ansin agus sheas ansiúd agus ghlaoigh mar a rinne roimhe sin: “A Shamúéil! A Shamúéil!” D'fhreagair Samúéil: “Labhair, tá do sheirbhíseach ag éisteacht.”

11Ansin dúirt an Tiarna le Samúéil: “Táim ar tí beart a dhéanamh in Iosrael a chuirfidh cigilteas ar dhá chluais gach duine a chluinfidh é.

12Cuirfidh mé i gcrích an lá sin in aghaidh Éilí gach rud atá ráite agam i dtaobh a theaghlaigh, ó thús deireadh.

13Ní foláir duit a insint dó go bhfuil a theaghlach á dhaoradh agam go brách, mar go raibh fios an oilc aige go raibh a

fizeram execráveis, e ele os não repreendeu.

[14] Portanto, jurei à casa de Eli que nunca lhe será expiada a iniqüidade, nem com sacrifício, nem com oferta de manjares.

Samuel conta a visão a Eli

[15] Ficou Samuel deitado até pela manhã e, então, abriu as portas da Casa do SENHOR; porém temia relatar a visão a Eli.

[16] Chamou Eli a Samuel e disse: Samuel, meu filho! Ele respondeu: Eis-me aqui!

[17] Então, ele disse: Que é que o SENHOR te falou? Peço-te que mo não encubras; assim Deus te faça o que bem lhe aprouver se me encobrires alguma coisa de tudo o que te falou.

[18] Então, Samuel lhe referiu tudo e nada lhe encobriu. E disse Eli: É o SENHOR; faça o que bem lhe aprouver.

[19] Crescia Samuel, e o SENHOR era com ele, e nenhuma de todas as suas palavras deixou cair em terra.

[20] Todo o Israel, desde Dã até Berseba, conheceu que Samuel estava confirmado como profeta do SENHOR.

[21] Continuou o SENHOR a aparecer em Siló, enquanto por sua palavra o SENHOR se manifestava ali a Samuel.

1 Samuel 4

Os filisteus vencem os israelitas

chlann ag aithsiú Dé agus nár cheartaigh sé iad.

[14]Uime sin, mionnaím do theaghlach Éilí nach ndéanfaidh íobairt ná ofráil cúiteamh i gcoirpeacht theach Éilí go brách."

[15]D'fhan Samúéil ansiúd ina luí go maidin agus ansin d'oscail sé doirse theampall an Tiarna. Bhí eagla air an fhís a insint do Éilí,

[16]ach ghlaoigh Éilí air agus dúirt: "A Shamúéil, a mhic." "Seo anseo mé," ar seisean.

[17]"Cén teachtaireacht a thug sé duit?" arsa Éilí, "ná ceil orm é. Go ndéana Dia seo agus siúd leat, agus a thuilleadh fós, má cheileann tú aon ní orm dá ndúirt sé leat."

[18]D'inis Samúéil gach ní dó ansin, gan aon ní a choimeád ar gcúl uaidh. Dúirt Éilí: "Eisean an Tiarna; déanadh sé mar is áil leis."

[19]D'fhás Samúéil agus bhí an Tiarna maille leis agus níor lig sé d'aon fhocal dá chuid titim ar lár.

[20]Thuig Iosrael go léir ó Dhán go Béar Seaba, go raibh Samúéil ceaptha ina fháidh don Tiarna.

[21]Agus bhíodh an Tiarna á thaispeaint féin arís i Sileo mar go dtaispeánadh sé é féin do Shamúéil i Sileo trí bhriathar an Tiarna.

1 Samúéil 4

[1] Veio a palavra de Samuel a todo o Israel. Israel saiu à peleja contra os filisteus e se acampou junto a Ebenézer; e os filisteus se acamparam junto a Afeca.

[1]Agus ghabh briathar Shamúéil amach go hIosrael go léir. [Ach bhí Éilí an-aosta, agus lean a chlann mhac orthu lena gcoirpeacht in aghaidh an Tiarna.]

An Áirc ag na Filistínigh

[Tharla gur thionóil na Filistínigh an uair sin chun troid in aghaidh Iosrael] agus chuaigh Iosrael amach chun catha in aghaidh na bhFilistíneach agus shuíodar a gcampa láimh le hEibin Eizir, agus a gcampa ag na Filistínigh ag Afaec.

[2] Dispuseram-se os filisteus em ordem de batalha, para sair de encontro a Israel; e, travada a peleja, Israel foi derrotado pelos filisteus; e estes mataram, no campo aberto, cerca de quatro mil homens.

[2]Chóirigh na Filistínigh iad féin chun catha in aghaidh Iosrael; troideadh go dian, agus bhris na Filistínigh ar Iosrael agus maraíodh timpeall ceithre mhíle dá n-arm ar pháirc an áir.

[3] Voltando o povo ao arraial, disseram os anciãos de Israel: Por que nos feriu o SENHOR, hoje, diante dos filisteus? Tragamos de Siló a arca da Aliança do SENHOR, para que venha no meio de nós e nos livre das mãos de nossos inimigos.

[3]Nuair a d'fhill na fir ar an gcampa, dúirt seanóirí Iosrael: “Cad chuige ar chuir an Tiarna an teitheadh orainn inniu roimh na Filistínigh? Tugaimis áirc chonradh an Tiarna linn ó Shileo d'fhonn go dtiocfadh sé inar measc agus sinn a fhuascailt ó chumhacht ár naimhde.”

[4] Mandou, pois, o povo trazer de Siló a arca do SENHOR dos Exércitos, entronizado entre os querubins; os dois filhos de Eli, Hofni e Finéias, estavam ali com a arca da Aliança de Deus.

[4]Uime sin chuir na daoine fios go Sileo agus thugadar leo ón áit sin áirc chonradh Thiarna na Slua, an té atá suite ar na ceiribíní; agus tháinig beirt mhac Éilí, Hofnaí agus Píneachás in éineacht le háirc chonradh Dé.

A arca é tomada. Hofni e Fineias são mortos

[5] Sucedeu que, vindo a arca da Aliança do SENHOR ao arraial, rompeu todo o Israel em grandes brados, e ressoou a terra.

[5]Nuair a tháinig áirc chonradh an Tiarna isteach sa champa, lig Iosrael go léir gáir mhór astu, a bhain macalla as an talamh.

[6] Ouvindo os filisteus a voz do júbilo, disseram: Que voz de grande júbilo é esta no arraial dos hebreus? Então, souberam

[6]Nuair a chuala na Filistínigh an gháir agus an gheoin, dúradar: “Cad is cúis leis an ngáir mhór seo i gcampa na

que a arca do SENHOR era vinda ao arraial.

nEabhrach?” Nuair a fuair siad amach gurbh amhlaidh a bhí áirc an Tiarna tagtha go dtí an campa,

[7] E se atemorizaram os filisteus e disseram: Os deuses vieram ao arraial. E diziam mais: Ai de nós! Que tal jamais sucedeu antes.

[7]bhuail eagla na Filistínigh agus dúirt siad: “Tá dia tagtha isteach sa champa. Is mairg dúinn!” ar siad. “Níor tharla a leithéid cheana.

[8] Ai de nós! Quem nos livrará das mãos destes grandiosos deuses? São os deuses que feriram aos egípcios com toda sorte de pragas no deserto.

[8]Is mairg dúinn! Cé a shaorfaidh sinn ó láimh an dé chumhachtaigh seo? Eisean an dia a bhuail na hÉigiptigh le gach sórt plá san fhásach!

[9] Sede fortes, ó filisteus! Portai-vos varonilmente, para que não venhais a ser escravos dos hebreus, como eles serviram a vós outros! Portai-vos varonilmente e pelejai!

[9]Ach bíodh misneach agaibh, a Fhilistíneacha, agus bígí fearúil, ar eagla go mbeadh sibh in bhur ndaoir ag na hEabhraigh, faoi mar a bhí siadsan agaibhse! Bíodh sponc ionaibh agus troidigí.”

[10] Então, pelejaram os filisteus; Israel foi derrotado, e cada um fugiu para a sua tenda; foi grande a derrota, pois foram mortos de Israel trinta mil homens de pé.

[10]Throid na Filistínigh dá réir sin, agus cloíodh Iosrael agus theith gach fear acu chuig a bhoth féin. Rinneadh ár agus eirleach orthu agus thit tríocha míle troitheach de na hIosraelaigh.

[11] Foi tomada a arca de Deus, e mortos os dois filhos de Eli, Hofni e Finéias.

[11]Gabhadh áirc Dé freisin agus maraíodh Hofnaí agus Píneachás.

A morte de Eli

[12] Então, correu um homem de Benjamim, saído das fileiras, e, no mesmo dia, chegou a Siló; trazia rasgadas as vestes e terra sobre a cabeça.

[12]Theith Biniáimineach ón láthair chatha, agus shroich Sileo an lá céanna, agus a chuid éadaigh stróicthe agus luaithreach ar a cheann.

[13] Quando chegou, Eli estava assentado numa cadeira, ao pé do caminho, olhando como quem espera, porque o seu coração estava tremendo pela arca de Deus. Depois de entrar o homem na cidade e dar as novas, toda a cidade prorrompeu em gritos.

[13]Nuair a tháinig sé, bhí Éilí ina shuí ina chathaoir láimh leis an ngeata ag faire an bhóthair mar bhí sé ar ballchrith le himní faoi áirc Dé. Nuair a tháinig an fear seo chun na cathrach leis an scéala, tógadh liú ar fud na cathrach.

[14] Eli, ouvindo os gritos, perguntou: Que alvoroço é esse? Então, se apressou o homem e, vindo, deu as notícias a Eli.

[15] Era Eli da idade de noventa e oito anos; os seus olhos tinham cegado, e já não podia ver.

[16] Disse o homem a Eli: Eu sou o que saí das fileiras e delas fugi hoje mesmo. Perguntou-lhe Eli: Que sucedeu, meu filho?

[17] Então, respondeu o que trazia as novas e disse: Israel fugiu de diante dos filisteus, houve grande morticínio entre o povo, e também os teus dois filhos, Hofni e Finéias, foram mortos, e a arca de Deus foi tomada.

[18] Ao fazer ele menção da arca de Deus, caiu Eli da cadeira para trás, junto ao portão, e quebrou-se-lhe o pescoço, e morreu, porque era já homem velho e pesado; e havia ele julgado a Israel quarenta anos.

[19] Estando sua nora, a mulher de Finéias, grávida, e próximo o parto, ouvindo estas novas, de que a arca de Deus fora tomada e de que seu sogro e seu marido morreram, encurvou-se e deu à luz; porquanto as dores lhe sobrevieram.

[20] Ao expirar, disseram as mulheres que a assistiam: Não temas, pois tiveste um filho. Ela, porém, não respondeu, nem fez caso disso.

[14]Chuala Éilí an gheoin agus d'fhiafraigh sé: “Cad a chiallaíonn an liúireach seo go léir?” Bhrostaigh an fear isteach agus thug sé an scéala d'Éilí.

[15]Bhí Éilí ocht mbliana nóchad; bhí a shúile calctha agus é gan radharc.

[16]Dúirt an fear le hÉilí: “Tháinig mé ón gcath; theith mé ón gcath inniu.” “Cad a tharla, a mhic?” arsa Éilí.

[17]D'fhreagair an teachtaire: “Chuir na Filistínigh an teitheadh ar Iosrael. Briseadh go tubaisteach ar an arm; mar bharr ar an donas, tá Hofnaí agus Píneachás, do bheirt mhac, marbh agus tá áirc Dé gafa.”

[18]Nuair a luaigh sé áirc Dé, thit Éilí siar dá chathaoir ag an ngeata; briseadh a mhuineál agus fuair sé bás, óir bhí sé aosta, trom. Bhí daichead bliain caite aige mar bhreitheamh ar Iosrael.

[19]Bhí bean a mhic, Píneachás, ag iompar clainne agus a hionú ag druidim léi. Nuair a chuala sí gur gabhadh áirc Dé agus go raibh athair a céile agus a céile féin araon marbh, luigh sí síos agus lámhnaigh mar gur tháinig tinneas linbh uirthi.

[20]Nuair a bhí sí ag saothrú an bháis, dúirt na mná a bhí ina seasamh timpeall uirthi: “Ná bíodh eagla ort! Rug tú mac!” Ach níor thug sí aon fhreagra orthu agus ní raibh aon aird aici orthu.

[21] Mas chamou ao menino Icabô, dizendo: Foi-se a glória de Israel. Isto ela disse, porque a arca de Deus fora tomada e por causa de seu sogro e de seu marido.
[22] E falou mais: Foi-se a glória de Israel, pois foi tomada a arca de Deus.

[21]Thug sí Í Cávód ar an leanbh á rá: “Tá an ghlóir (cávód) imithe ó Iosrael,” ag cuimhneamh di ar ghabháil áirc Dé, ar athair a céile, agus ar a fear.
[22]Dúirt sí: “D'imigh an ghlóir ó Iosrael, óir gabhadh áirc Dé.”

1 Samuel 5

A arca na casa de Dagom

[1] Os filisteus tomaram a arca de Deus e a levaram de Ebenézer a Asdode.

[2] Tomaram os filisteus a arca de Deus e a meteram na casa de Dagom, junto a este.

[3] Levantando-se, porém, de madrugada os de Asdode, no dia seguinte, eis que estava caído Dagom com o rosto em terra, diante da arca do SENHOR; tomaram-no e tornaram a pô-lo no seu lugar.

[4] Levantando-se de madrugada no dia seguinte, pela manhã, eis que Dagom jazia caído de bruços diante da arca do SENHOR; a cabeça de Dagom e as duas mãos estavam cortadas sobre o limiar; dele ficara apenas o tronco.

[5] Por isso, os sacerdotes de Dagom e todos os que entram no seu templo não lhe pisam o limiar em Asdode, até ao dia de hoje.

[6] Porém a mão do SENHOR castigou duramente os de Asdode, e os assolou, e os feriu de tumores, tanto em Asdode como no seu território.

1 Samúéil 5

Leanann Tubaiste an Áirc

[1]Nuair a ghabh na Filistínigh áirc Dé, thugadar leo í ó Eibin Eizir go hAisdeod.
[2]Thugadar leo áirc Dé agus d'iompraíodar isteach i dteampall Dhágón í, agus chuireadar síos í láimh le Dágón.
[3]D'éirigh muintir Aisdeod go luath lá arna mhárach [agus chuadar go teampall Dhágón]; ba shiúd Dágón béal faoi ar an urlár os comhair áirc an Tiarna. D'ardaíodar Dágón agus chuir siad ar ais ina áit é.
[4]Ach nuair a d'éiríodar go moch lá arna mhárach, ba shiúd é Dágón béal faoi arís ar an urlár os comhair áirc an Tiarna, agus ceann Dhágón agus a dhá láimh briste de agus caite ar an tairseach; ní raibh fágtha de ach cabhail Dhágón.
[5]Sin é an fáth nach ndéanann sagairt Dhágón ná aon duine eile a théann isteach i dteampall Dhágón, cos a leagan ar thairseach Dhágón in Aisdeod go dtí an lá inniu féin.

[6]Luigh lámh an Tiarna go trom ar phobal Aisdeod agus chuir scéin orthu le neascóidí ar fud Aisdeod agus a chríocha.

[7] Vendo os homens de Asdode que assim era, disseram: Não fique conosco a arca do Deus de Israel; pois a sua mão é dura sobre nós e sobre Dagom, nosso deus.

[8] Pelo que enviaram mensageiros, e congregaram a si todos os príncipes dos filisteus, e disseram: Que faremos da arca do Deus de Israel? Responderam: Seja levada a arca do Deus de Israel até Gate e, depois, de cidade em cidade. E a levaram até Gate.

[9] Depois de a terem levado, a mão do SENHOR foi contra aquela cidade, com mui grande terror; pois feriu os homens daquela cidade, desde o pequeno até ao grande; e lhes nasceram tumores.

[10] Então, enviaram a arca de Deus a Ecrom. Sucedeu, porém, que, em lá chegando, os ecronitas exclamaram, dizendo: Transportaram até nós a arca do Deus de Israel, para nos matarem, a nós e ao nosso povo.

[11] Então, enviaram mensageiros, e congregaram a todos os príncipes dos filisteus, e disseram: Devolvei a arca do Deus de Israel, e torne para o seu lugar, para que não mate nem a nós nem ao nosso povo. Porque havia terror de morte em toda a cidade, e a mão de Deus castigara duramente ali.

[12] Os homens que não morriam eram atingidos com os tumores; e o clamor da cidade subiu até ao céu.

1 Samuel 6

[7]Nuair a chonaic muintir Aisdeod conas mar a bhí, dúradar: “Ná fanadh áirc Dhia Iosrael inár measc mar tá a lámh ag luí go trom orainn féin agus ar Dhágón ár ndia.”

[8]Chuir siad teachtairí amach dá bhrí sin agus ghairm siad ceannairí uile na bhFilistíneach chucu, agus dúirt leo: “Cad a dhéanfaimid le háirc Dhia Iosrael?” D'fhreagair siadsan: “Tugtar áirc Dhia Iosrael ar shiúl go Gat.” Thugadar más ea áirc Dhia Iosrael ansiúd.

[9]Ach nuair a bhí sí tugtha ansiúd, luigh lámh an Tiarna go trom ar an gcathair sin agus tháinig scéin agus sceimhle ar na daoine; bhuail neascóidí muintir na cathrach, idir óg agus aosta, mar go raibh an Tiarna á gciapadh mar sin.

[10]Sheoladar áirc Dé go hEacrón, ach nuair a shroich áirc Dé Eacrón, rinne muintir Eacrón liú: “Thugadar áirc Dhia Iosrael chugainn d'fhonn an bás a thabhairt orainn féin agus ar ár muintir.”

[11]Chuir siad teachtairí amach dá bhrí sin, agus ghairm siad ceannairí uile na bhFilistíneach chucu agus dúirt leo: “Cuir áirc Dhia Iosrael chun siúil; téadh sí ar ais chun a háite féin, chun nach maróidh sí sinn féin agus ár muintir” - óir bhí scéin agus uafás ar fud na cathrach go léir; luigh lámh Dé go trom ansiúd.

[12]An mhuintir nach bhfuair bás, bhris neascóidí amach orthu agus bhí an liú ón gcathair ag dul suas chun neimhe.

1 Samúéil 6

Os filisteus enviam a arca para fora da sua terra

[1] Sete meses esteve a arca do SENHOR na terra dos filisteus.

[2] Estes chamaram os sacerdotes e os adivinhadores e lhes disseram: Que faremos da arca do SENHOR? Fazei-nos saber como a devolveremos para o seu lugar.

[3] Responderam eles: Quando enviardes a arca do Deus de Israel, não a envieis vazia, porém enviá-la-eis a seu Deus com uma oferta pela culpa; então, sereis curados e sabereis por que a sua mão se não tira de vós.

[4] Então, disseram: Qual será a oferta pela culpa que lhe havemos de apresentar? Responderam: Segundo o número dos príncipes dos filisteus, cinco tumores de ouro e cinco ratos de ouro, porquanto a praga é uma e a mesma sobre todos vós e sobre todos os vossos príncipes.

[5] Fazei umas imitações dos vossos tumores e dos vossos ratos, que andam destruindo a terra, e dai glória ao Deus de Israel; porventura, aliviará a sua mão de cima de vós, e do vosso deus, e da vossa terra.

[6] Por que, pois, endureceríeis o coração, como os egípcios e Faraó endureceram o coração? Porventura, depois de os haverem tratado tão mal, não os deixaram ir, e eles não se foram?

[7] Agora, pois, fazei um carro novo, tomai duas vacas com crias, sobre as quais não

Filleann an Áirc

[1]Bhí áirc an Tiarna i gcríocha na bhFilistíneach ar feadh seacht mí.

[2]Ansin chuir na Filistínigh fios ar a sagairt agus ar a n-asarlaithe agus d'fhiafraíodar díobh: “Céard a dhéanfaimid le háirc an Tiarna? Insígí dúinn conas í a chur ar ais chun a háite féin!”

[3]D'fhreagair siad: “Má chuireann sibh áirc Dhia Iosrael ar shiúl, ná cuirigí ar shiúl folamh í; ní foláir daoibh ofráil chiontachta a íoc leis. Ansin leigheasfar sibh agus beidh a fhios agaibh cad chuige nach gcasfadh a lámh uaibh.”

[4]D'fhiafraíodar ansin: “Cén ofráil chiontachta ar chóir dúinn a íoc leis?” D'fhreagair siad: “Dé réir líon flatha na bhFilistíneach, cúig neascóid óir agus cúig luch óir mar bhí an t-aon phlá oraibh idir fhlatha agus uile.

[5]Ní foláir daoibh dá réir sin dealbha a dheanamh de bhur neascóidí agus dealbha de na lucha atá ag creimeadh bhur dtíre, agus glóir a thabhairt do Dhia Iosrael. Ansin b'fhéidir go mbogfaidh sé a lámh díbh féin, de bhur ndéithe, agus de bhur dtír.

[6]Cad ab áil libh ag cruachan bhur gcroí, faoi mar a chruaigh na hÉigiptigh agus Forann a gcroí? Tar éis dó magadh fúthu, nár scaoileadar leis an bpobal agus nár imíodarsan?

[7]Cóirigí carr nua dá bhrí sin agus dhá loilíoch nach ndeachaigh riamh faoin

se pôs ainda jugo, e atai-as ao carro; seus bezerros, levá-los-eis para casa.

8 Então, tomai a arca do SENHOR, e ponde-a sobre o carro, e metei num cofre, ao seu lado, as figuras de ouro que lhe haveis de entregar como oferta pela culpa; e deixai-a ir.

9 Reparai: se subir pelo caminho rumo do seu território a Bete-Semes, foi ele que nos fez este grande mal; e, se não, saberemos que não foi a sua mão que nos feriu; foi casual o que nos sucedeu.

A arca chega a Bete-Semes

10 Assim fizeram aqueles homens, e tomaram duas vacas com crias, e as ataram ao carro, e os seus bezerros encerraram em casa.

11 Puseram a arca do SENHOR sobre o carro, como também o cofre com os ratos de ouro e com as imitações dos tumores.

12 As vacas se encaminharam diretamente para Bete-Semes e, andando e berrando, seguiam sempre por esse mesmo caminho, sem se desviarem nem para a direita nem para a esquerda; os príncipes dos filisteus foram atrás delas, até ao território de Bete-Semes.

13 Andavam os de Bete-Semes fazendo a sega do trigo no vale e, levantando os olhos, viram a arca; e, vendo-a, se alegraram.

14 O carro veio ao campo de Josué, o bete-semita, e parou ali, onde havia uma

gcuing. Gabhaigí na ba faoin gcarr agus tugaigí a laonna abhaile uathu.

8Ansin tógaigí áirc an Tiarna, leagaigí ar an gcarr í, agus cuirigí na dealbha óir atá á n-íoc agaibh dó mar ofráil chiontachta i gcófra lena hais. Ansin scaoiligí léi agus ligigí di imeacht léi.

9Bíodh súil agaibh uirthi; má théann sí an bóthar suas i dtreo a dúiche féin, go Béit Seimis, ansin eisean a rinne an urchóid mhór seo dúinn; ach mura dtéann, ansin beidh a fhios againn nárbh í a lámh a luigh orainn, ach gur de thaisme a d'éirigh sé seo dúinn."

10Rinne na daoine amhlaidh. Thugadar leo an dá loilíoch, agus ghabhadar faoin gcarr iad, agus dhún ar a laonna sa bhaile.

11Leagadar áirc an Tiarna ansin ar an gcarr, leis an gcófra, na lucha óir agus dealbha na neascóidí.

12Ghabh na ba caol díreach i dtreo Bhéit Seimis, ar feadh an bhóthair, iad ag géimneach ar an tslí gan casadh ar dheis ná ar chlé. Lean flatha na bhFilistíneach iad chomh fada le teorainneacha Bhéit Seimis.

An Áirc i mBéit Seimis

13Bhí muintir Bhéit Seimis ag baint fómhar na cruithneachta sa ghleann: d'ardaíodar a súile agus chonaiceadar an áirc agus chuir an radharc sin lúcháir orthu.

14Tháinig an carr isteach i ngort Iósua ó Bhéit Seimis, agus stad sé ansin. Bhí gallán

grande pedra; fenderam a madeira do carro e ofereceram as vacas ao SENHOR, em holocausto.

ansiúd agus bhris na daoine adhmad an chairr agus d'ofráil siad na ba mar íobairt uileloiscthe don Tiarna.

15 Os levitas desceram a arca do SENHOR, como também o cofre que estava junto a ela, em que estavam as obras de ouro, e os puseram sobre a grande pedra. No mesmo dia, os homens de Bete-Semes ofereceram holocaustos e imolaram sacrifícios ao SENHOR.

15Thóg na Léivítigh áirc an Tiarna anuas, agus an cófra, leis na dealbha óir ann, a bhí ina haice, agus leag siad an meid sin go léir ar an ngallán. D'ofráil muintir Bhéit Seimis ofrálacha uileloiscthe, agus d'íobair íobairtí, an lá sin don Tiarna.

16 Viram aquilo os cinco príncipes dos filisteus e voltaram para Ecrom no mesmo dia.

16Nuair a chonaic cúigear flatha na bhFilistíneach é sin, d'fhill siad ar Eacrón an lá céanna.

17 São estes, pois, os tumores de ouro que enviaram os filisteus ao SENHOR como oferta pela culpa: por Asdode, um; por Gaza, outro; por Asquelom, outro; por Gate, outro; por Ecrom, outro;

17Ba iad seo na neascóidí óir a d'íoc na Filistínigh mar íobairt chiontachta don Tiarna: ceann ar son Aisdeod, ceann ar son Ghazá, ceann ar son Aiscileon, ceann ar son Ghat, ceann ar son Eacrón;

18 como também os ratos de ouro, segundo o número de todas as cidades dos filisteus, pertencentes aos cinco príncipes, desde as cidades fortes até às aldeias campestres. A grande pedra, sobre a qual puseram a arca do SENHOR, está até ao dia de hoje no campo de Josué, o bete-semita.

18mar an gcéanna le dealbha na luch de réir líon cathracha Filistíneacha uile na gcúig flatha, idir chathracha daingne agus bhailte gan chosaint. An gallán mór ar ar leagadar áirc an Tiarna, is finné é go dtí an lá inniu i ngort Iósua ó Bhéit Seimis.

A arca chega a Quiriate-Jearim

19 Feriu o SENHOR os homens de Bete-Semes, porque olharam para dentro da arca do SENHOR, sim, feriu deles setenta homens; então, o povo chorou, porquanto o SENHOR fizera tão grande morticínio entre eles.

19Mharaigh sé cuid de mhuintir Bhéit Seimis mar gur fhéachadar isteach in áirc an Tiarna; mharaigh sé deichniúr agus trí fichid díobh. Rinne an pobal olagón mar gur bhuail an Tiarna chomh dian iad.

20 Então, disseram os homens de Bete-Semes: Quem poderia estar perante o SENHOR, este Deus santo? E para quem subirá desde nós?

20Dúirt muintir Bhéit Seimis ansin: “Cé a fhéadfaidh seasamh i láthair an Tiarna an Dia naofa seo? Cé chuige a rachaidh sé suas uainne?”

[21] Enviaram, pois, mensageiros aos habitantes de Quiriate-Jearim, dizendo: Os filisteus devolveram a arca do SENHOR; descei, pois, e fazei-a subir para vós outros.

[21]Chuireadar teachtairí go dtí muintir Chiriat Iáraím ansin á rá: “Sheol na Filistínigh áirc an Tiarna ar ais; tagaigí anuas agus tugaigí suas libh chugaibh féin í.”

1 Samuel 7

[1] Então, vieram os homens de Quiriate-Jearim e levaram a arca do SENHOR à casa de Abinadabe, no outeiro; e consagraram Eleazar, seu filho, para que guardasse a arca do SENHOR.

Exortação de Samuel ao arrependimento

[2] Sucedeu que, desde aquele dia, a arca ficou em Quiriate-Jearim, e tantos dias se passaram, que chegaram a vinte anos; e toda a casa de Israel dirigia lamentações ao SENHOR.

[3] Falou Samuel a toda a casa de Israel, dizendo: Se é de todo o vosso coração que voltais ao SENHOR, tirai dentre vós os deuses estranhos e os astarotes, e preparai o coração ao SENHOR, e servi a ele só, e ele vos livrará das mãos dos filisteus.

[4] Então, os filhos de Israel tiraram dentre si os baalins e os astarotes e serviram só ao SENHOR.

Os filisteus são vencidos

[5] Disse mais Samuel: Congregai todo o Israel em Mispa, e orarei por vós ao SENHOR.

1 Samúéil 7

An Áirc i gCiriat Iáraím

[1]Thainig muintir Chiriat Iáraím agus thugadar áirc an Tiarna leo suas, agus chuireadar isteach i dteach Aibíneádáb ar an gcnoc í, agus rinneadar mac Eileázár a choisreacan chun aire a thabhairt d'áirc an Tiarna.

[2]Ón lá a socraíodh an áirc i gCiriat Iáraím, ghabh tamall fada thart, fiche éigin bliain, agus bhí teaghlach Iosrael go léir ag tnúth leis an Tiarna.

Samúéil Breitheamh

[3]Ansin dúirt Samúéil le teaghlach Iosrael go léir: “Má tá sibh ag filleadh ar an Tiarna ó chroí go hiomlán, cuirigí i leataobh uaibh na déithe deoranta atá agaibh, agus na hAisteárót, agus dírigí bhur gcroí ar an Tiarna, agus déanaigí fónamh dósan amháin, agus fuasclóidh sé sibh ó láimh na bhFilistíneach.”

[4]Ansin chuir clann Iosrael uathu na Bálaím agus na hAisteárót agus d'fhónadar don Tiarna amháin.

[5]Ansin dúirt Samúéil: “Cruinnígí Iosrael uile le chéile i Mizpeá, agus guífidh mé an Tiarna ar bhur son.”

[6] Congregaram-se em Mispa, tiraram água e a derramaram perante o SENHOR; jejuaram aquele dia e ali disseram: Pecamos contra o SENHOR. E Samuel julgou os filhos de Israel em Mispa.

[6]Thionóil Iosrael go léir dá bhrí sin i Mizpeá, agus tharraing siad uisce agus dhoirt siad ansiúd é i láthair an Tiarna. Rinne siad troscadh an lá sin agus d'fhógair siad: "Pheacaíomar in aghaidh an Tiarna." Agus bhí Samúéil ina bhreitheamh ar chlann Iosrael i Mizpeá.

[7] Quando, pois, os filisteus ouviram que os filhos de Israel estavam congregados em Mispa, subiram os príncipes dos filisteus contra Israel; o que ouvindo os filhos de Israel, tiveram medo dos filisteus.

[7]Nuair a chuala na Filistínigh go raibh clann Iosrael cruinnithe i Mizpeá, chuaigh flatha na bhFilistíneach suas in aghaidh Iosrael. Nuair a chuala clann Iosrael é sin tháinig eagla orthu roimh na Filistínigh.

[8] Então, disseram os filhos de Israel a Samuel: Não cesses de clamar ao SENHOR, nosso Deus, por nós, para que nos livre da mão dos filisteus.

[8]Dúirt clann Iosrael le Samúéil: "Glaoigh gan stad ar an Tiarna ár nDia chun sinn a shaoradh ó chumhacht na bhFilistíneach"

[9] Tomou, pois, Samuel um cordeiro que ainda mamava e o sacrificou em holocausto ao SENHOR; clamou Samuel ao SENHOR por Israel, e o SENHOR lhe respondeu.

[9]Ansin fuair Samúéil uan diúil agus d'ofráil é ina íobairt uileloiscthe don Tiarna agus ghlaoigh sé ar an Tiarna thar ceann Iosrael agus thug an Tiarna toradh air.

[10] Enquanto Samuel oferecia o holocausto, os filisteus chegaram à peleja contra Israel; mas trovejou o SENHOR aquele dia com grande estampido sobre os filisteus e os aterrou de tal modo, que foram derrotados diante dos filhos de Israel.

[10]Nuair a bhí Samúéil ag ofráil na híobartha dóite, dhruid na Filistínigh ina n-aice chun catha a chur ar Iosrael, ach rinne an Tiarna tréanghlór toirní an lá sin ar na Filistínigh agus chuir sceimhle orthu, agus theitheadar roimh Iosrael.

[11] Saindo de Mispa os homens de Israel, perseguiram os filisteus e os derrotaram até abaixo de Bete-Car.

[11]Chuaigh muintir Iosrael amach ó Mhizpeá sa tóir ar na Filistínigh agus bhíodar á n-eirleach chomh fada le Béit Cár.

[11] Dando-se, pois, ambos a conhecer à guarnição dos filisteus, disseram estes: Eis que já os hebreus estão saindo dos buracos em que se tinham escondido.

[12] Os homens da guarnição responderam a Jônatas e ao seu escudeiro e disseram: Subi a nós, e nós vos daremos uma lição. Disse Jônatas ao escudeiro: Sobe atrás de mim, porque o SENHOR os entregou nas mãos de Israel.

[13] Então, trepou Jônatas de gatinhas, e o seu escudeiro, atrás; e os filisteus caíram diante de Jônatas, e o seu escudeiro os matava atrás dele.

[14] Sucedeu esta primeira derrota, em que Jônatas e o seu escudeiro mataram perto de vinte homens, em cerca de meia jeira de terra.

[15] Houve grande espanto no arraial, no campo e em todo o povo; também a mesma guarnição e os saqueadores tremeram, e até a terra se estremeceu; e tudo passou a ser um terror de Deus.

[16] Olharam as sentinelas de Saul, em Gibeá de Benjamim, e eis que a multidão se dissolvia, correndo uns para cá, outros para lá.

[17] Então, disse Saul ao povo que estava com ele: Ora, contai e vede quem é que

[10]Ach má deir siad: ‘Tagaigí aníos chugainn, ’ rachaimid suas mar bheidh sé sin ina chomhartha gur thug an Tiarna inár lámha dúinn iad.”

[11]Ligeadar araon do gharastún na bhFilistíneach iad a fheiceáil; dúirt na Filistínigh: “Seo amach na hEabhraigh as na poill ina raibh siad i bhfolach.”

[12]Chuir lucht an gharastúin forrán ansin ar Iónátán agus ar fhear iompair a airm: “Tagaigí aníos chugainn,” ar siad, “tá rud éigin le rá againn libh.” Dúirt Iónátán lena fhear iompair airm: “Lean suas mé; thug an Tiarna ar láimh Iosrael iad.”

[13]Ghabh Iónátán suas ar lámhacán, agus a fhear iompair airm ina dhiaidh. Thiteadar siúd roimh Iónátán agus tháinig a fhear iompair airm ina dhiaidh, agus mharaigh sé iad.

[14]Sa chéad ár a chuir Iónátán agus a fhear iompair airm thit timpeall fiche fear i bhfad leathiomaire in acra talún.

Cath

[15]Bhí scéin sa champa agus faoin tuath ina thimpeall; tháinig scanradh ar an ngarastún agus ar an lucht creiche; chrith an talamh agus bhí uafás Dé ar dhaoine.

[16]Chonaic fairairí Shóil i nGibeá Bhiniáimin an campa á scaipeadh i ngach treo.

[17]Dúirt Sól ansin leis an dream a bhí ina theannta: “Comhairigí anois agus féachaigí cé atá imithe uainn.” Rinneadh

saiu dentre nós. Contaram, e eis que nem Jônatas nem o seu escudeiro estavam ali.

[18] Saul disse a Aías: Traze aqui a arca de Deus (porque, naquele dia, ela estava com os filhos de Israel).

[19] Enquanto Saul falava ao sacerdote, o alvoroço que havia no arraial dos filisteus crescia mais e mais, pelo que disse Saul ao sacerdote: Desiste de trazer a arca.

[20] Então, Saul e todo o povo que estava com ele se ajuntaram e vieram à peleja; e a espada de um era contra o outro, e houve mui grande tumulto.

[21] Também com os filisteus dantes havia hebreus, que subiram com eles ao arraial; e também estes se ajuntaram com os israelitas que estavam com Saul e Jônatas.

[22] Ouvindo, pois, todos os homens de Israel que se esconderam pela região montanhosa de Efraim que os filisteus fugiram, eles também os perseguiram de perto na peleja.

[23] Assim, livrou o SENHOR a Israel naquele dia; e a batalha passou além de Bete-Áven.

O voto de Saul

[24] Estavam os homens de Israel angustiados naquele dia, porquanto Saul conjurara o povo, dizendo: Maldito o homem que comer pão antes de anoitecer, para que me vingue de meus inimigos. Pelo que todo o povo se absteve de provar pão.

an comhaireamh agus bhí Iónátán agus fear iompair a airm in easnamh.

[18]Dúirt Sól ansin le hAichíá: “Tabhair an [t-éafód] anseo” - mar eisean a d'iompraíodh an [t-éafód] i láthair Iosrael.

[19]Fad a bhí Sól ag caint leis an sagart d'éirigh an callán i gcampa na bhFilistíneach níos measa agus níos measa, agus dúirt Sól leis an sagart; “Tarraing siar do lámh.”

[20]Ansin chuir Sól agus an mhuintir a bhí in éineacht leis iad féin in eagar agus chuadar chun an chatha; ansiúd bhí gach duine ag díriú a chlaímh ar a chéile agus bhí sé ina chíor thuathail.

[21]Fiú na hEabhraigh a chuaigh i seirbhís na bhFilistíneach roimhe sin, agus a ghabh suas leo go dtí an campa, ghabhadar leis na hIosraelaigh a bhí le Sól agus le Iónátán.

[22]Na hIosraelaigh go léir a bhí i bhfolach in ardáin Eafráim, nuair a chuala siad go raibh na Filistínigh ag teitheadh, chuadar go dian sa tóir orthu sa chath.

[23]D'fhuascail an Tiarna Iosrael an lá sin agus ghabh an troid anonn thar Bhéit [Horón].

[24]Chuir [Sól troscadh dian] i bhfeidhm an lá sin agus chuir an pobal faoi mhionn á rá: “Mallacht ar an té a íosfaidh greim bia roimh thráthnóna, sula ndéanfaidh mé díoltas a imirt ar mo naimhde.” Níor bhlais aon duine den phobal greim.

[25] Todo o povo chegou a um bosque onde havia mel no chão.

[26] Chegando o povo ao bosque, eis que corria mel; porém ninguém chegou a mão à boca, porque o povo temia a conjuração.

[27] Jônatas, porém, não tinha ouvido quando seu pai conjurara o povo, e estendeu a ponta da vara que tinha na mão, e a molhou no favo de mel; e, levando a mão à boca, tornaram a brilhar os seus olhos.

[28] Então, respondeu um do povo: Teu pai conjurou solenemente o povo e disse: Maldito o homem que, hoje, comer pão; estava exausto o povo.

[29] Então, disse Jônatas: Meu pai turbou a terra; ora, vede como brilham os meus olhos por ter eu provado um pouco deste mel.

[30] Quanto mais se o povo, hoje, tivesse comido livremente do que encontrou do despojo de seus inimigos; porém desta vez não foi tão grande a derrota dos filisteus.

[31] Feriram, porém, aquele dia aos filisteus, desde Micmás até Aijalom. O povo se achava exausto em extremo;

[32] e, lançando-se ao despojo, tomaram ovelhas, bois e bezerros, e os mataram no chão, e os comeram com sangue.

[33] Disto informaram a Saul, dizendo: Eis que o povo peca contra o SENHOR, comendo com sangue. Disse ele:

[25][Bhí cíor mheala ar an talamh ar an mbán,]

[26]ach nuair a tháinig na daoine chomh fada léi, [cé go raibh an tsaithe imithe,] níor chuir aon duine lámh chun a bhéil, le heagla an mhionna.

[27]Ach níor chuala Iónátán a athair ag cur an phobail faoi bhrí an mhionna, agus shín sé barr an bhata a bhí ina ghlaic agus thum sa chíor é agus chuir a lámh chun a bhéil, agus tháinig preab ina shúile.

[28]Ansin labhair duine den phobal: “Chuir d'athair,” ar sé, “an pobal go docht faoi bhrí mionna á rá go mbeadh mallacht ar an té a d'íosfadh greim inniu” (agus bhí lagaíocht ar an bpobal).

[29]D'fhreagair Iónátán: “Rinne m'athair dochar don tír; féach nach mó an phreab atá i mo shúile anois mar gur ith mé an bhéalóg mheala sin?

[30]Agus, dála an scéil, nárbh fhearr go mór é dá n-íosfadh an pobal a ndóthain inniu as an gcreach a thógadar óna naimhde? Ní mor an t-ár a cuireadh ar na Filistínigh.”

[31]Phleancadar na Filistínigh an lá sin ó Mhicmeáis go hAiálón nó go raibh an pobal tnáite traochta.

[32]Ansin thugadar faoin gcreach agus rugadar ar chaoirigh, daimh agus laonna, agus mharaíodar ansiúd ar an talamh iad agus d'alpadar iad fuil agus uile.

[33]Chuala Sól an scéal sin: “Féach,” ar siad, “tá an pobal ag déanamh peaca in aghaidh an Tiarna ag ithe idir fhuil agus uile.”

Procedestes aleivosamente; rolai para aqui, hoje, uma grande pedra.

[34] Disse mais Saul: Espalhai-vos entre o povo e dizei-lhe: Cada um me traga o seu boi, a sua ovelha, e matai-os aqui, e comei, e não pequeis contra o SENHOR, comendo com sangue. Então, todo o povo trouxe de noite, cada um o seu boi de que já lançara mão, e os mataram ali.

[35] Edificou Saul um altar ao SENHOR; este foi o primeiro altar que lhe edificou.

Jônatas salvo pelo povo

[36] Disse mais Saul: Desçamos esta noite no encalço dos filisteus, e despojemo-los, até o raiar do dia, e não deixemos de resto um homem sequer deles. E disseram: Faze tudo o que bem te parecer.

[37] Disse, porém, o sacerdote: Cheguemo-nos aqui a Deus. Então, consultou Saul a Deus, dizendo: Descerei no encalço dos filisteus? Entregá-los-ás nas mãos de Israel? Porém aquele dia Deus não lhe respondeu.

[38] Então, disse Saul: Chegai-vos para aqui, todos os chefes do povo, e informai-vos, e vede qual o pecado que, hoje, se cometeu.

[39] Porque tão certo como vive o SENHOR, que salva a Israel, ainda que com meu filho Jônatas esteja a culpa, seja morto. Porém nenhum de todo o povo lhe respondeu.

[40] Disse mais a todo o Israel: Vós estareis de um lado, e eu e meu filho Jônatas, do

D'fhreagair sé: “Rinne sibh feall; déanaigí cloch mhór a bhurláil [anseo i leith] chugam.”

[34]Lean sé air ansin: “Imígí faoin slua agus abraigí leo: ‘Tugadh gach duine agaibh a dhamh nó a chaora agus maraídís anseo iad, gan peaca a dhéanamh in aghaidh an Tiarna le bheith á n-ithe fuil agus uile.’ ” Thug gach duine den phobal a dhamh leis an oíche sin agus mharaíodar ansiúd iad.

[35]Thóg Sól altóir don Tiarna; ba í sin an chéad altóir a thóg sé don Tiarna.

Anacal ar Iónátán

[36]Dúirt Sól ansin: “Téimis síos i gcoim na hoíche agus déanaimis tóir agus creach ar na Filistínigh go breacadh an lae; ná fágaimis fear inste scéil.” “Déan mar is áil leat,” ar siad. Ach dúirt an sagart: “Téimis faoi dhéin Dé anseo.”

[37]Lorg Sól comhairle ar Dhia: “An rachaidh mé síos ar thóir na bhFilistíneach? An dtabharfaidh tú ar láimh d'Iosrael iad?” Ach freagra níor thug sé dó an lá sin.

[38]Ansin dúirt Sól: “Tagaigí anseo, a cheannairí uile an phobail; agus déanaigí a scrúdú agus a iniúchadh conas a tharla an peaca seo inniu.

[39]Dar an Tiarna beo a thugann an bua d'Iosrael, fiú más do Iónátán mo mhac a tharla sé, cuirfear chun báis é, cuirfear sin.” Ach ní raibh fear ar an bpobal ar fad a thabharfadh freagra air.

[40]Dúirt sé ansin le hIosrael go léir: “Seasaigí sibhse ar thaobh amháin, agus

outro. Então, disse o povo a Saul: Faze o que bem te parecer.

seasóidh mise agus mo mhac Iónátán ar an taobh eile.” Dúirt an pobal le Sól: “Déan mar is áil leat.”

41 Falou, pois, Saul ao SENHOR, Deus de Israel: Mostra a verdade. Então, Jônatas e Saul foram indicados por sorte, e o povo saiu livre.

41Dúirt Sól ansin: “A Thiarna, a Dhia Iosrael, cén fáth nár thug tú freagra ar do shearbhónta inniu? Más ormsa agus ar mo mhac Iónátán atá an locht, a Dhia Iosrael, tabhair Úirím; más ar phobal Iosrael atá an locht, tabhair Tuimím.” Thit an crann ar Shól agus Iónátán agus d'imigh an pobal saor.

42 Disse Saul: Lançai a sorte entre mim e Jônatas, meu filho. E foi indicado Jônatas.

42Dúirt Sól: “Caith an crann idir mise agus mo mhac Iónátán.” Thit an crann ar Iónátán.

43 Disse, então, Saul a Jônatas: Declara-me o que fizeste. E Jônatas lhe disse: Tão-somente provei um pouco de mel com a ponta da vara que tinha na mão. Eis-me aqui; estou pronto para morrer.

43Dúirt Sól le Iónátán ansin: “Inis dom a bhfuil déanta agat.” “Ní dhearna mé,” arsa Iónátán, “ach béalóg mheala a ithe de bharr mo bhata a bhí i mo ghlaic agam. Seo anseo mé anois réidh don bhás.”

44 Então, disse Saul: Deus me faça o que bem lhe aprouver; é certo que morrerás, Jônatas.

44Dúirt Sól: “Go ndéana Dia seo agus siúd liom, agus a thuilleadh de bhreis air, mura bhfaigheann tú bás, a Iónátán.”

45 Porém o povo disse a Saul: Morrerá Jônatas, que efetuou tamanha salvação em Israel? Tal não suceda. Tão certo como vive o SENHOR, não lhe há de cair no chão um só cabelo da cabeça! Pois foi com Deus que fez isso, hoje. Assim, o povo salvou a Jônatas, para que não morresse.

45Ach dúirt an pobal le Sól: “An bhfaighidh Iónátán bás anois agus gurb eisean a fuair an bua iontach seo d'Iosrael? I bhfad uainn a leithéid! Dar an Tiarna beo, ní thitfidh oiread agus ribe de ghruaig a chinn chun talún mar bhí Dia leis ina bhearta inniu.” Rinne an pobal Iónátán a fhuascailt dá bhrí sin agus níor cuireadh chun báis é.

46 E Saul deixou de perseguir os filisteus; e estes se foram para a sua terra.

46Bheartaigh Sól scor den tóir ar na Filistínigh, agus d'fhill na Filistínigh ar a ndúiche féin.

Coimre

[47] Tendo Saul assumido o reinado de Israel, pelejou contra todos os seus inimigos em redor: contra Moabe, os filhos de Amom e Edom; contra os reis de Zobá e os filisteus; e, para onde quer que se voltava, era vitorioso.

[47]Dhaingnigh Sól a údarás rí ar Iosrael, agus throid sé in aghaidh a naimhde go léir ar gach taobh - i gcoinne na nAmónach, i gcoinne Eadóm, i gcoinne ríthe Zóbá, agus i gcoinne na bhFilistíneach; cibé áit ina dtugadh sé a aghaidh bhíodh [an bua aige].

[48] Houve-se varonilmente, e feriu os amalequitas, e libertou a Israel das mãos dos que o saqueavam.

[48]Rinne sé ghníomhartha gaile agus gaisce. Bhuaigh sé ar na hAmailéicigh agus d'fhuascail sé Iosrael ó lámha lucht a scriosta.

[49] Os filhos de Saul eram Jônatas, Isvi e Malquisua; os nomes de suas duas filhas eram: o da mais velha, Merabe; o da mais nova, Mical.

[49]Ba iad Iónátán agus Ísví agus Mailcíosú clann mhac Shóil. Siad na hainmneacha a bhí ar a bheirt iníon: Méarab ar an sinsear agus Míceal ar an sóisear.

[50] A mulher de Saul chamava-se Ainoã, filha de Aimaás. O nome do general do seu exército, Abner, filho de Ner, tio de Saul.

[50]Aichíonoam a bhí ar a bhean, iníon Aichímeáz. Aibnéar mac Néar a ba ainm dá thaoiseach airm; uncail do Shól eisean.

[51] Quis era pai de Saul; e Ner, pai de Abner, era filho de Abiel.

[51]Mic do Aibiéil ab ea Cís athair Shóil agus Néar athair Aibnéar.

[52] Por todos os dias de Saul, houve forte guerra contra os filisteus; pelo que Saul, a todos os homens fortes e valentes que via, os agregava a si.

[52]Bhí cogadh fíochmhar ar siúl in aghaidh na bhFilistíneach i gcaitheamh ré Shóil ar fad. Aon tréanfhear nó gaiscíoch dá bhfeicfeadh sé, ghlacadh sé chun a sheirbhíse féin é.

1 Samuel 15

A desobediência de Saul e a sua rejeição

[1] Disse Samuel a Saul: Enviou-me o SENHOR a ungir-te rei sobre o seu povo, sobre Israel; atenta, pois, agora, às palavras do SENHOR.

[2] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Castigarei Amaleque pelo que fez a Israel: ter-se oposto a Israel no caminho, quando este subia do Egito.

1 Samúéil 15

Cogadh Naofa

[1]Dúirt Samúéil le Sól: “Mise an té a sheol an Tiarna chun tú a ungadh i do rí ar Iosrael, a phobal. Tabhair cluas dá réir sin do bhriathra an Tiarna.

[2]Seo mar a deir Tiarna na Slua: ‘Déanfaidh mé díoltas ar son a ndearna Amáiléic ar Iosrael nuair a chuir sé ina gcoinne agus iad ar an mbealach aníos as an Éigipt.

[3] Vai, pois, agora, e fere a Amaleque, e destrói totalmente a tudo o que tiver, e nada lhe poupes; porém matarás homem e mulher, meninos e crianças de peito, bois e ovelhas, camelos e jumentos.

[4] Saul convocou o povo e os contou em Telaim: duzentos mil homens de pé e dez mil homens de Judá.

[5] Chegando, pois, Saul à cidade de Amaleque, pôs emboscadas no vale.

[6] E disse aos queneus: Ide-vos, retirai-vos e saí do meio dos amalequitas, para que eu vos não destrua juntamente com eles, porque usastes de misericórdia para com todos os filhos de Israel, quando subiram do Egito. Assim, os queneus se retiraram do meio dos amalequitas.

[7] Então, feriu Saul os amalequitas, desde Havilá até chegar a Sur, que está defronte do Egito.

[8] Tomou vivo a Agague, rei dos amalequitas; porém a todo o povo destruiu a fio de espada.

[9] E Saul e o povo pouparam Agague, e o melhor das ovelhas e dos bois, e os animais gordos, e os cordeiros, e o melhor que havia e não os quiseram destruir totalmente; porém toda coisa vil e desprezível destruíram.

[10] Então, veio a palavra do SENHOR a Samuel, dizendo:

[11] Arrependo-me de haver constituído Saul rei, porquanto deixou de me seguir e não executou as minhas palavras. Então,

[3]Téigh anois agus buail Amáiléic agus cuir é féin agus a bhfuil aige faoin mbang. Ná tabhair anacal dó, ach scrios é idir fhear agus bhean, leanbh agus bhunóc, dhamh agus chaora, chamall agus asal.' "

[4]Rinne Sól an pobal a thionól agus á áireamh i dTaláím, dhá chéad míle coisí, agus deich míle d'fhir Iúdá.

[5]Tháinig Sól go cathair Amáiléic agus chuaigh in eadarnaí sa ghleann.

[6]Agus dúirt Sól leis na Céinigh: "Seo libh síos! Imígí, fágaigí bhur mbailte i measc na nAmáiléiceach le heagla go scriosfainn sibhse mar aon leo, óir bhí sibh cineálta le clann Iosrael go léir nuair a thángadar ón Éigipt aníos." Scar na Céinigh dá bhrí sin ó na hAmáiléicigh.

[7]Scrios Sól na hAmáiléicigh dá bhrí sin, ó Havalá go Siúr, atá lastoir den Éigipt.

[8]Ghabh sé Agag rí Amáiléic ina bheatha, agus chuir na daoine go léir chun báis le faobhar claímh faoin mbang.

[9]Ach rinne Sól agus an pobal anacal ar Agag agus ar thogha na gcaorach agus an eallaigh, na mart ramhar agus na n-uan, agus gach rud fónta; níorbh áil leis iadsan a chur faoin mbang; níor chuireadar faoin mbang ach gach suarachán agus gach truán.

Sól á Thréigean

[10]Tháinig briathar an Tiarna go Samúéil:

[11]"Is aithreach liom go ndearna mé rí de Shól, óir thug sé droim liom, agus d'fhág mo lorg, agus rinne faillí i m'orduithe."

Samuel se contristou e toda a noite clamou ao SENHOR.

Tháinig suaitheadh mór ar Shamúéil agus chaith sé an oíche ar fad ag glaoch chun an Tiarna.

12 Madrugou Samuel para encontrar a Saul pela manhã; e anunciou-se àquele: Já chegou Saul ao Carmelo, e eis que levantou para si um monumento; e, dando volta, passou e desceu a Gilgal.

12Chuaigh Samúéil amach ar maidin go moch le bualadh le Sól; fuair Samúéil scéala go raibh sé imithe go Cairmeil chun leacht a thógáil dó féin, agus gur chas agus gur ghabh sé ar aghaidh as sin síos go Gilgeál.

13 Veio, pois, Samuel a Saul, e este lhe disse: Bendito sejas tu do SENHOR; executei as palavras do SENHOR.

13Nuair a tháinig Samúéil mar a raibh Sól dúirt Sól leis: “Go raibh beannacht ort faoin Tiarna! Chomhlíon mé orduithe an Tiarna.”

14 Então, disse Samuel: Que balido, pois, de ovelhas é este nos meus ouvidos e o mugido de bois que ouço?

14Ach d'fhreagair Samúéil: “Céard is ciall más ea leis an méileach caorach seo i mo chluasa agus an bhúireach damh seo i m'éisteacht?”

15 Respondeu Saul: De Amaleque os trouxeram; porque o povo poupou o melhor das ovelhas e dos bois, para os sacrificar ao SENHOR, teu Deus; o resto, porém, destruímos totalmente.

15“Thugadar leo iad ó na hAmáiléicigh,” arsa Sól, “mar go ndearna an pobal anacal ar thogha na gcaorach agus na ndamh lena n-ofráil don Tiarna, do Dhia-sa; chuireamar an chuid eile faoin mbang.”

16 Então, disse Samuel a Saul: Espera, e te declararei o que o SENHOR me disse esta noite. Respondeu-lhe Saul: Fala.

16Ansin dúirt Samúéil le Sól: “Fan! Inseoidh mé duit cad a dúirt an Tiarna liom aréir.” “Abair leat,” ar seisean.

17 Prosseguiu Samuel: Porventura, sendo tu pequeno aos teus olhos, não foste por cabeça das tribos de Israel, e não te ungiu o SENHOR rei sobre ele?

17Dúirt Samúéil: “Bíodh gur beag an meas atá agat ort féin nach bhfuil tú i do cheann ar threibheanna Iosrael? Rinne an Tiarna thú a ungadh i do rí ar Iosrael

18 Enviou-te o SENHOR a este caminho e disse: Vai, e destrói totalmente estes pecadores, os amalequitas, e peleja contra eles, até exterminá-los.

18agus sheol an Tiarna ar mhisean thú á rá: ‘Imigh agus leag na peacaigh úd, na hAmáiléicigh, faoin mbang agus troid ina n-aghaidh nó go scriosfar iad.’

19 Por que, pois, não atentaste à voz do SENHOR, mas te lançaste ao despojo e

19Cad chuige mar sin nár gheill tú do ghlór an Tiarna? Cad chuige ar thug tú ruathar

fizeste o que era mau aos olhos do SENHOR?

[20] Então, disse Saul a Samuel: Pelo contrário, dei ouvidos à voz do SENHOR e segui o caminho pelo qual o SENHOR me enviou; e trouxe a Agague, rei de Amaleque, e os amalequitas, os destruí totalmente;

[21] mas o povo tomou do despojo ovelhas e bois, o melhor do designado à destruição para oferecer ao SENHOR, teu Deus, em Gilgal.

[22] Porém Samuel disse: Tem, porventura, o SENHOR tanto prazer em holocaustos e sacrifícios quanto em que se obedeça à sua palavra? Eis que o obedecer é melhor do que o sacrificar, e o atender, melhor do que a gordura de carneiros.

[23] Porque a rebelião é como o pecado de feitiçaria, e a obstinação é como a idolatria e culto a ídolos do lar. Visto que rejeitaste a palavra do SENHOR, ele também te rejeitou a ti, para que não sejas rei.

[24] Então, disse Saul a Samuel: Pequei, pois transgredi o mandamento do SENHOR e as tuas palavras; porque temi o povo e dei ouvidos à sua voz.

[25] Agora, pois, te rogo, perdoa-me o meu pecado e volta comigo, para que adore o SENHOR.

[26] Porém Samuel disse a Saul: Não tornarei contigo; visto que rejeitaste a palavra do SENHOR, já ele te rejeitou a ti, para que não sejas rei sobre Israel.

ar an gcreach agus an rud is olc i bhfianaise an Tiarna a dhéanamh?”

[20]D'fhreagair Sól Samúéil: “Ní amhlaidh a bhí; ach ghéill mé do ghlór an Tiarna, agus chuaigh mé ar an misean ar ar sheol an Tiarna mé; thug mé Agag rí na nAmáiléiceach liom agus leag mé na hAmáiléicigh faoin mbang.

[21]Ach thug an pobal leo ón gcreach togha na gcaorach agus na ndamh a bhí faoin mbang le híobairt don Tiarna do Dhia i nGilgeál.”

[22]Ach d'fhreagair Samúéil: “An fearr leis an Tiarna tabhartais loiscthe agus íobairtí ná go n-éistfí go humhal le glór an Tiarna? Féach! is fearr umhlaíocht ná íobairt, is fearr géilliúlacht ná geir reithí.

[23]Peaca asarlaíochta is ea an cheannairc. Éigeart agus íoladhradh is ea an easumhlaíocht. Toisc gur thug tusa an diúltú do bhriathar an Tiarna, thug seisean an diúltú duitse mar rí.”

[24]Dúirt Sól le Samúéil: “Pheacaigh mé óir sháraigh mé aithne an Tiarna agus d'orduithese, mar gurbh eagal liom an pobal agus gur ghéill mé dá nglór.

[25]Maith dom mo pheaca anois le do thoil; fill ar ais liom agus adhrfaidh mé an Tiarna.”

[26]Ach dúirt Samúéil le Sól: “Ní fhillfidh mé leat, mar gur thug tú droim le briathar an Tiarna; thug an Tiarna droim leatsa chomh maith mar rí ar Iosrael.”

[27] Virando-se Samuel para se ir, Saul o segurou pela orla do manto, e este se rasgou.

[28] Então, Samuel lhe disse: O SENHOR rasgou, hoje, de ti o reino de Israel e o deu ao teu próximo, que é melhor do que tu.

[29] Também a Glória de Israel não mente, nem se arrepende, porquanto não é homem, para que se arrependa.

[30] Então, disse Saul: Pequei; honra-me, porém, agora, diante dos anciãos do meu povo e diante de Israel; e volta comigo, para que adore o SENHOR, teu Deus.

[31] Então, Samuel seguiu a Saul, e este adorou o SENHOR.

Samuel mata a Agague

[32] Disse Samuel: Traze-me aqui Agague, rei dos amalequitas. Agague veio a ele, confiante; e disse: Certamente, já se foi a amargura da morte.

[33] Disse, porém, Samuel: Assim como a tua espada desfilhou mulheres, assim desfilhada ficará tua mãe entre as mulheres. E Samuel despedaçou a Agague perante o SENHOR, em Gilgal.

[34] Então, Samuel se foi a Ramá; e Saul subiu à sua casa, a Gibeá de Saul.

[35] Nunca mais viu Samuel a Saul até ao dia da sua morte; porém tinha pena de Saul. O SENHOR se arrependeu de haver constituído Saul rei sobre Israel.

1 Samuel 16

[27]Nuair a bhí Samúéil ag casadh uaidh ar a sháil, rug Sól ar fhabhra a bhrait agus stróic é.

[28]Dúirt Samúéil leis: "Tá ríocht Iosrael stróicthe uait inniu ag an Tiarna agus tugtha aige do chomharsa duit, is fearr d'fhear ná thú.

[29]Ach dá ainneoin sin, ní inseoidh Glóir Iosrael bréag ná ní rachaidh ar gcúl ina fhocal; mar ní duine é le go rachadh sé ar gcúl ina fhocal."

[30]"Pheacaigh mé," arsa [Sól], "ach tabhair urraim éigin dom i láthair seanóirí mo phobail agus i láthair Iosrael, agus fill ar ais liom le go ndéanfainn an Tiarna do Dhia a adhradh."

[31]Lean Samúéil Sól ar ais más ea agus rinne Sól an Tiarna a adhradh.

[32]Ansin dúirt Samúeil: "Tugaigí Agag rí Amáiléic chugam," agus tháinig Agag chuige [in aghaidh a chos]. "Is searbh an deoch é an bás," ar sé.

[33]Dúirt Samúéil: "Mar a d'fhág do chlaíomh mná gan chlann, Fágfar do mháthair gan chlann i measc na mban." Ansin rinne Samúéil Agag a choscairt ina ablach i láthair an Tiarna i nGilgeál.

[34]Chuaigh Samúéil go Rámá, agus chuaigh Sól suas chun a thí i nGibeá le Sól.

[35]Ní fhaca Samúéil Sól arís go dtí lá a bháis; chuir Sól an-bhuaireamh ar Shamúéil, agus b'aithreach leis an Tiarna gur cheap sé Sól ina rí ar Iosrael.

1 Samúéil 16

Samuel enviado a Jessé

[1] Disse o SENHOR a Samuel: Até quando terás pena de Saul, havendo-o eu rejeitado, para que não reine sobre Israel? Enche um chifre de azeite e vem; enviar-te-ei a Jessé, o belemita; porque, dentre os seus filhos, me provi de um rei.

[2] Disse Samuel: Como irei eu? Pois Saul o saberá e me matará. Então, disse o SENHOR: Toma contigo um novilho e dize: Vim para sacrificar ao SENHOR.

[3] Convidarás Jessé para o sacrifício; eu te mostrarei o que hás de fazer, e ungir-me-ás a quem eu te designar.

[4] Fez, pois, Samuel o que dissera o SENHOR e veio a Belém. Saíram-lhe ao encontro os anciãos da cidade, tremendo, e perguntaram: É de paz a tua vinda?

[5] Respondeu ele: É de paz; vim sacrificar ao SENHOR. Santificai-vos e vinde comigo ao sacrifício. Santificou ele a Jessé e os seus filhos e os convidou para o sacrifício.

[6] Sucedeu que, entrando eles, viu a Eliabe e disse consigo: Certamente, está perante o SENHOR o seu ungido.

[7] Porém o SENHOR disse a Samuel: Não atentes para a sua aparência, nem para a

Dáiví á Ungadh

[1]Dúirt an Tiarna le Samúéil: “Cá fhad a bheidh tú buartha mar gheall ar Shól ó dhiúltaigh mise dó feasta mar rí ar Iosrael? Líon d'adharc d'ola agus imigh leat. Táim do do chur go Ieise ó Bheithil, óir tá rí roghnaithe agam dom féin i measc a chlann mhac.”

[2]D'fhreagair Samúéil: “Conas is féidir dom imeacht? Má fhaigheann Sól gaoth an fhocail, maróidh sé mé!” Agus dúirt an Tiarna: “Tabhair bearach leat, agus abair: ‘Tháinig mé chun íobairt a dhéanamh don Tiarna.’

[3]Tabhair cuireadh chun na híobartha do Ieise, agus taispeánfaidh mise duit cad a bheidh le déanamh agat. An té a ainmneoidh mé duit, déanfaidh tú é a ungadh dom.”

[4]Rinne Samúéil mar a dúirt an Tiarna leis agus chuaigh go Beithil. Tháinig seanóirí an bhaile ina airicis agus iad ar ballchrith agus dúirt siad: “An mar chara a thagann tú?”

[5]Agus dúirt seisean: “Is ea, mar chara. Tháinig mé chun íobairt a dhéanamh don Tiarna. Déanaigí sibh féin a choisreacan agus tagaigí liom chun na híobartha.” Choisric sé Ieise agus a chlann mhac agus thug cuireadh chun na híobartha dóibh.

[6]Ar theacht i láthair dóibh, chonaic sé Eilíáb, agus dúirt sé leis féin: “Caithfidh sé go bhfuil an té atá ungtha ag an Tiarna ansin os a chomhair.”

[7]Ach dúirt an Tiarna le Samúéil: “Ná bac a dhreach ná a airde, mar diúltaím dó; ní

sua altura, porque o rejeitei; porque o SENHOR não vê como vê o homem. O homem vê o exterior, porém o SENHOR, o coração.

thugann Dia breith mar a thugann an duine; breathnaíonn an duine an cló ach breathnaíonn an Tiarna an croí."

8 Então, chamou Jessé a Abinadabe e o fez passar diante de Samuel, o qual disse: Nem a este escolheu o SENHOR.

8Ansin ghlaoigh Ieise chuige ar Aibíonádáb agus thug os comhair Shamúéil é, agus dúirt seisean: "Ní hé seo an duine a roghnaigh an Tiarna ach oiread."

9 Então, Jessé fez passar a Samá, porém Samuel disse: Tampouco a este escolheu o SENHOR.

9Ansin thug Ieise Seamá os comhair Shamúéil, ach dúirt Samúéil: "Ní hé seo an duine a roghnaigh an Tiarna ach oiread."

10 Assim, fez passar Jessé os seus sete filhos diante de Samuel; porém Samuel disse a Jessé: O SENHOR não escolheu estes.

10Thug Ieise a sheachtar mac ansin os comhair Shamúéil. Ach dúirt Samúéil le Ieise: "Ní hiad seo a roghnaigh an Tiarna."

11 Perguntou Samuel a Jessé: Acabaram-se os teus filhos? Ele respondeu: Ainda falta o mais moço, que está apascentando as ovelhas. Disse, pois, Samuel a Jessé: Manda chamá-lo, pois não nos assentaremos à mesa sem que ele venha.

11D'fhiafraigh sé ansin de Ieise: "An bhfuil do chlann mhac go léir anseo?" "Tá mac eile fós agam," ar seisean, "an té is óige; ach féach, tá sé ag aoireacht na gcaorach." Dúirt Samúéil le Ieise: "Cuir fios air agus tabhair leat é; ní shuífimid chun boird go dtaga sé."

12 Então, mandou chamá-lo e fê-lo entrar. Era ele ruivo, de belos olhos e boa aparência. Disse o SENHOR: Levanta-te e unge-o, pois este é ele.

12Chuir sé fios air agus thug isteach é; buachaill naíonta ab ea é, le súile lonracha, agus scéimh ina chló. Dúirt an Tiarna: "Seo leat, agus déan é a ungadh mar is é seo é."

13 Tomou Samuel o chifre do azeite e o ungiu no meio de seus irmãos; e, daquele dia em diante, o Espírito do SENHOR se apossou de Davi. Então, Samuel se levantou e foi para Ramá.

13Ansin thóg Samúéil an adharc ola agus rinne é a ungadh ansiúd mar a raibh aige fara a dheartháireacha. Tháinig spiorad an Tiarna agus luigh sé ar Dháiví agus d'fhan leis ón lá sin amach. Maidir le Samúéil, d'éirigh sé agus d'imigh go Rámá.

Davi tange sua harpa perante Saul

Dáiví i Seirbhís Shóil

[14] Tendo-se retirado de Saul o Espírito do SENHOR, da parte deste um espírito maligno o atormentava.

[15] Então, os servos de Saul lhe disseram: Eis que, agora, um espírito maligno, enviado de Deus, te atormenta.

[16] Manda, pois, senhor nosso, que teus servos, que estão em tua presença, busquem um homem que saiba tocar harpa; e será que, quando o espírito maligno, da parte do SENHOR, vier sobre ti, então, ele a dedilhará, e te acharás melhor.

[17] Disse Saul aos seus servos: Buscai-me, pois, um homem que saiba tocar bem e trazei-mo.

[18] Então, respondeu um dos moços e disse: Conheço um filho de Jessé, o belemita, que sabe tocar e é forte e valente, homem de guerra, sisudo em palavras e de boa aparência; e o SENHOR é com ele.

[19] Saul enviou mensageiros a Jessé, dizendo: Envia-me Davi, teu filho, o que está com as ovelhas.

[20] Tomou, pois, Jessé um jumento, e o carregou de pão, um odre de vinho e um cabrito, e enviou-os a Saul por intermédio de Davi, seu filho.

[21] Assim, Davi foi a Saul e esteve perante ele; este o amou muito e o fez seu escudeiro.

[22] Saul mandou dizer a Jessé: Deixa estar Davi perante mim, pois me caiu em graça.

[14]Thréig spiorad an Tiarna Sól agus bhuair drochspiorad ón Tiarna é.

[15]Dúirt a ghiollaí le Sól: “Sin drochspiorad ón Tiarna do do bhuaireamh.

[16]Tugadh an tiarna seo againn ordú do na giollaí atá ag freastal ort duine oilte ar an gcruit a lorg; nuair a bheidh an drochspiorad ón Tiarna do do chiapadh, seinnfidh sé an chruit duit agus tiocfaidh biseach ort.”

[17]Dúirt Sól lena ghiollaí: “Faighigí dom fear a sheinneann go maith agus tugaigí anseo chugam é!”

[18]D'fhreagair ógánach díobh: “Chonaic mé, féach, mac le Ieise ó Bheithil, ceoltóir cumasach, gaiscíoch agus laoch gaile, fear ciallmhar caint agus córach cló, agus tá an Tiarna leis.”

[19]Chuir Sól teachtairí go Ieise dá bhrí sin á rá: “Cuir chugam Dáiví do mhac atá leis na caoirigh.”

[20]Fuair Ieise [cúig] bhuilín aráin, seithe fíona agus meannán agus chuir go Sól iad le Dáiví a mhac.

[21]Tháinig Dáiví go Sól ar an tslí sin, agus chuaigh ar seirbhís chuige. Bhí an-chion ag Sól air, agus ceapadh Dáiví ina fhear iompair airm dó.

[22]Chuir Sól scéala chun Ieise ansin: “Lig do Dháiví bheith ar seirbhís agam, mar fuair sé gean mo chroí.”

[23] E sucedia que, quando o espírito maligno, da parte de Deus, vinha sobre Saul, Davi tomava a harpa e a dedilhava; então, Saul sentia alívio e se achava melhor, e o espírito maligno se retirava dele.

[23]Aon uair a thagadh an drochspiorad ó Dhia ar Shól, bheireadh Dáiví ar a chruit ina láimh; agus sheinneadh; ansin théadh Sól chun suaimhnis, thagadh biseach air, agus d'imíodh an drochspiorad uaidh.

1 Samuel 17

O desafio de Golias

[1] Ajuntaram os filisteus as suas tropas para a guerra, e congregaram-se em Socó, que está em Judá, e acamparam-se entre Socó e Azeca, em Efes-Damim.

[2] Porém Saul e os homens de Israel se ajuntaram, e acamparam no vale de Elá, e ali ordenaram a batalha contra os filisteus.

[3] Estavam estes num monte do lado dalém, e os israelitas, no outro monte do lado daquém; e, entre eles, o vale.

[4] Então, saiu do arraial dos filisteus um homem guerreiro, cujo nome era Golias, de Gate, da altura de seis côvados e um palmo.

[5] Trazia na cabeça um capacete de bronze e vestia uma couraça de escamas cujo peso era de cinco mil siclos de bronze.

[6] Trazia caneleiras de bronze nas pernas e um dardo de bronze entre os ombros.

[7] A haste da sua lança era como o eixo do tecelão, e a ponta da sua lança, de seiscentos siclos de ferro; e diante dele ia o escudeiro.

[8] Parou, clamou às tropas de Israel e disse-lhes: Para que saís, formando-vos em linha de batalha? Não sou eu filisteu, e vós,

1 Samúéil 17

Dúshlán Ghóla

[1]Chuir na Filistínigh tionól ar a sluaite chun catha; chruinníodar le chéile i Sócó, baile in Iúdá, agus shuíodar a gcampa idir Sócó agus Azaecá in Eifis Daimím.

[2]Chruinnigh Sól agus fir Iosrael chomh maith agus shuíodar a gcampa i nGleann Éileá agus chóiríodar iad féin in eagar catha in aghaidh na bhFilistíneach.

[3]Sheas na Filistínigh ar shliabh ar thaobh agus na hIosraelaigh ar shliabh ar an taobh eile agus gleann eatarthu.

[4]Thainig gaiscíoch eadrána, darbh ainm Góla as Gat, amach as campa na bhFilistíneach; bhí sé sé bhanlámh go leith ar airde.

[5]Bhí cafarr práis ar a cheann, lúireach mar chosaint air agus bhí cúig mhíle seicil de mheáchan práis sa lúireach sin.

[6]Bhí buataisí práis ar a chosa agus ga práis thar a ghuaillí.

[7]Bhí sáfach a shleá mar bhíoma fíodóra, agus sé chéad seicil de mheáchan iarainn mar cheann ar an tsleá sin. Bhí giolla roimhe amach ag iompar a scéithe.

[8]Sheas sé os comhair sluaite Iosrael agus d'fhógair dóibh in ard a chinn agus a ghutha: “Cad ab áil libh amach do bhur

servos de Saul? Escolhei dentre vós um homem que desça contra mim.

gcur féin in eagar catha? Nach Filistíneach mise agus nach sibhse daoir Shóil? Toghaigí fear díbh féin agus tagadh sé anuas i mo aghaidh.

9 Se ele puder pelejar comigo e me ferir, seremos vossos servos; porém, se eu o vencer e o ferir, então, sereis nossos servos e nos servireis.

9Má ritheann leis comhrac liom agus mé a mharú, ansin beimidne inár ndaoir agaibhse; ach má bhuaimse air, agus é a mharú, beidh sibhse in bhur ndaoir againne, ag déanamh seirbhíse dúinn."

10 Disse mais o filisteu: Hoje, afronto as tropas de Israel. Dai-me um homem, para que ambos pelejemos.

10Lean an Filistíneach air: "Tugaim dúshlán sluaite Iosrael inniu; cuiridís fear chugam le comhrac aonair a dhéanamh liom."

11 Ouvindo Saul e todo o Israel estas palavras do filisteu, espantaram-se e temeram muito.

11Nuair a chuala Sól agus Iosrael go léir na focail sin ón bhFilistíneach thit an lug ar an lag acu agus tháinig scéin orthu.

Davi enviado a seus irmãos

Tagann Dáiví

12 Davi era filho daquele efrateu de Belém de Judá cujo nome era Jessé, que tinha oito filhos; nos dias de Saul, era já velho e adiantado em anos entre os homens.

12Mac le hEafrátach ó Bheithil darbh ainm Ieise a ba ea Dáiví. Bhí ochtar mac ag Ieise, agus le linn Shól bhí sé aosta cheana féin agus [anonn sna blianta].

13 Apresentaram-se os três filhos mais velhos de Jessé a Saul e o seguiram à guerra; chamavam-se: Eliabe, o primogênito, o segundo, Abinadabe, e o terceiro, Samá.

13D'imigh an triúr mac ba shine le Ieise agus leanadar Sól chun cogaidh. Seo iad ainmneacha an triúr mac a chuaigh chun cogaidh - Eiliáb an chéadghin, Aibíonádáb an dara mac agus Seamá an tríú mac.

14 Davi era o mais moço; só os três maiores seguiram Saul.

14Dáiví an sóisear; lean an triúr ba shine Sól.

15 Davi, porém, ia a Saul e voltava, para apascentar as ovelhas de seu pai, em Belém.

15(Bhíodh Dáiví ar a sheal ag déanamh seirbhíse do Shól agus ag aoireacht caoirigh a athar i mBeithil.

16 Chegava-se, pois, o filisteu pela manhã e à tarde; e apresentou-se por quarenta dias.

16Thagadh an Filistíneach ina láthair agus sheasadh sé ansiúd gach maidin agus trathnóna ar feadh daichead lá.)

17 Disse Jessé a Davi, seu filho: Leva, peço-te, para teus irmãos um efa deste trigo

17Dúirt Ieise le Dáiví a mhac: "Beir leat an t-éafá seo de ghrán tíortha agus na deich

tostado e estes dez pães e corre a levá-los ao acampamento, a teus irmãos.

[18] Porém estes dez queijos, leva-os ao comandante de mil; e visitarás teus irmãos, a ver se vão bem; e trarás uma prova de como passam.

[19] Saul, e eles, e todos os homens de Israel estão no vale de Elá, pelejando com os filisteus.

[20] Davi, pois, no dia seguinte, se levantou de madrugada, deixou as ovelhas com um guarda, carregou-se e partiu, como Jessé lhe ordenara; e chegou ao acampamento quando já as tropas saíam para formar-se em ordem de batalha e, a gritos, chamavam à peleja.

[21] Os israelitas e filisteus se puseram em ordem, fileira contra fileira.

[22] Davi, deixando o que trouxera aos cuidados do guarda da bagagem, correu à batalha; e, chegando, perguntou a seus irmãos se estavam bem.

[23] Estando Davi ainda a falar com eles, eis que vinha subindo do exército dos filisteus o duelista, cujo nome era Golias, o filisteu de Gate; e falou as mesmas coisas que antes falara, e Davi o ouviu.

O gigante Golias insulta os israelitas

[24] Todos os israelitas, vendo aquele homem, fugiam de diante dele, e temiam grandemente,

[25] e diziam uns aos outros: Vistes aquele homem que subiu? Pois subiu para afrontar a Israel. A quem o matar, o rei o

mbuilíní seo go dtí do dheartháireacha, agus brostaigh ort go campa do dheartháireacha,

[18]agus beir leat na deich gcáiseanna seo leo go dtí a n-oifigeach míle; cuir tuairisc sláinte do dheartháireacha agus tabhair comhartha éigin ar ais uathu.

[19]Tá siad le Sól agus leis na hIosraelaigh go léir i nGleann Éileá, ag troid in aghaidh na bhFilistíneach."

[20]D'éirigh Dáiví go moch ar maidin, d'fhág aoire i bhfeighil na gcaorach, d'ardaigh leis an lón, agus d'imigh mar a d'ordaigh Ieise dó. Tháinig sé go dtí an longfort agus an slua ag dul amach chun a láithreacha troda, agus an gháir chatha á cur in airde acu.

[21]Chóirigh Iosrael agus na Filistínigh iad féin in eagar catha ar aghaidh a chéile amach.

[22]D'fhág Dáiví a aistrithe faoi chúram gharda an bhagáiste, agus rith go dtí an líne chatha agus tháinig chun a dheartháireacha ag cur a dtuairisce.

[23]Fad a bhí sé ag caint leo, seo aníos ó shluaite na bhFilistíneach, an gaiscíoch (darbh ainm Góla, an Filistíneach ó Ghat); labhair sé mar a dhéanadh cheana agus chuala Dáiví é.

[24]A luaithe a chonaic fir Iosrael an fear seo, theitheadar uaidh agus scéin ina gcroí.

[25]Dúirt fir Iosrael: "An bhfaca tú an fear seo ag teacht aníos anois? Tá sé ag teacht chun dúshlán Iosrael a thabhairt. An té a

cumulará de grandes riquezas, e lhe dará por mulher a filha, e à casa de seu pai isentará de impostos em Israel.

mharóidh é, tabharfaidh an rí mórchuid maoine dó, agus a iníon le pósadh, agus tabharfaidh sé saoirse Iosrael do theaghlach a athar."

[26] Então, falou Davi aos homens que estavam consigo, dizendo: Que farão àquele homem que ferir a este filisteu e tirar a afronta de sobre Israel? Quem é, pois, esse incircunciso filisteu, para afrontar os exércitos do Deus vivo?

[26]Chuir Dáiví ceist ansin ar na fir a bhí ina seasamh taobh leis: "Cén luach saothair a gheobhaidh an té a mharóidh an Filistíneach seo agus a ghlanfaidh an smál d'Iosrael? Cé hé an Filistíneach seo gan timpeallghearradh a bhfuil sé de dhánaíocht aige masla a thabhairt do shluaite Dé bheo?"

[27] E o povo lhe repetiu as mesmas palavras, dizendo: Assim farão ao homem que o ferir.

[27]Thug an slua an freagra céanna air á rá: "Sin é an luach saothair a thabharfar don té a mharóidh é."

[28] Ouvindo-o Eliabe, seu irmão mais velho, falar àqueles homens, acendeu-se-lhe a ira contra Davi, e disse: Por que desceste aqui? E a quem deixaste aquelas poucas ovelhas no deserto? Bem conheço a tua presunção e a tua maldade; desceste apenas para ver a peleja.

[28]Eilíáb, an dearthair ba shine aige, chuala sé é ag caint leis na fir agus tháinig fearg air le Dáiví agus dúirt: "Cad a thug thusa anseo anuas? Cé a d'fhág tú i bhfeighil an chúpla caora úd san fhásach? Is eol dom d'uabhar agus an t-olc i do chroí; tháinig tú ó dheas chun faire ar an gcath."

[29] Respondeu Davi: Que fiz eu agora? Fiz somente uma pergunta.

[29]D'fhreagair Dáiví: "Cad é seo anois atá déanta agam? Cad a bhí ann ach focal?"

[30] Desviou-se dele para outro e falou a mesma coisa; e o povo lhe tornou a responder como dantes.

[30]Chas sé uaidh más ea le labhairt le duine eile, agus chuir sé an cheist chéanna air; agus fuair sé an freagra céanna ó gach duine.

Davi dispõe-se a pelejar contra o gigante

[31] Ouvidas as palavras que Davi falara, anunciaram-nas a Saul, que mandou chamá-lo.

[31]Ach éisteadh le caint Dháiví agus rinneadh í a aithris do Shól agus chuir seisean fios air.

Dáiví sa Bhearna

[32] Davi disse a Saul: Não desfaleça o coração de ninguém por causa dele; teu servo irá e pelejará contra o filisteu.

[32]"Ná bíodh drochmhisneach ar aon duine mar gheall air," arsa Dáiví le Sól,

“rachaidh do shearbhónta anseo chun troda leis an bhFilistíneach seo.”

33 Porém Saul disse a Davi: Contra o filisteu não poderás ir para pelejar com ele; pois tu és ainda moço, e ele, guerreiro desde a sua mocidade.

33Dúirt Sól le Dáiví: “Ní féidir duitse dul chun troda i gcoinne an Fhilistínigh seo; níl ionat ach ógánach, agus is laoch gaile eisean óna óige.”

34 Respondeu Davi a Saul: Teu servo apascentava as ovelhas de seu pai; quando veio um leão ou um urso e tomou um cordeiro do rebanho,

34Dúirt Dáiví le Sól: “Bhíodh do shearbhónta i bhfeighil a chaorach dá athair, agus nuair a thagadh leon nó beithir agus uan a sciobadh ón tréad

35 eu saí após ele, e o feri, e livrei o cordeiro da sua boca; levantando-se ele contra mim, agarrei-o pela barba, e o feri, e o matei.

35théinn sa tóir air, bhuailinn chun láir é, agus bhaininn as a bhéal é; dá dtabharfadh sé aghaidh orm, bhéarfainn ar mheigeall air agus bhuailfinn chun láir é agus mharóinn.

36 O teu servo matou tanto o leão como o urso; este incircunciso filisteu será como um deles, porquanto afrontou os exércitos do Deus vivo.

36Mharaigh do shearbhónta idir leoin agus bheithreacha, agus tabharfar an íde chéanna leo ar an bhFilistíneach seo gan timpeallghearradh ós rud é gur thug sé a dhúshlán le sluaite Dé bheo.”

37 Disse mais Davi: O SENHOR me livrou das garras do leão e das do urso; ele me livrará das mãos deste filisteu. Então, disse Saul a Davi: Vai-te, e o SENHOR seja contigo.

37Lean Dáiví air: “An Tiarna a d'fhuascail mé ó lapaí an leoin agus na beithre, déanfaidh sé mé a fhuascailt ó láimh an Fhilistínigh seo.” Dúirt Sól le Dáiví: “Imigh, agus go raibh an Tiarna leat!”

38 Saul vestiu a Davi da sua armadura, e lhe pôs sobre a cabeça um capacete de bronze, e o vestiu de uma couraça.

38Chuir Sól a éide chatha féin ar Dháiví; chuir cafarr práis ar a cheann agus chuir lúireach práis uime.

39 Davi cingiu a espada sobre a armadura e experimentou andar, pois jamais a havia usado; então, disse Davi a Saul: Não posso andar com isto, pois nunca o usei. E Davi tirou aquilo de sobre si.

39Chroch sé a chlaíomh os cíonn a éide [ar Dháiví]. Ach cheal taithí ar na fearais sin, níorbh fhéidir le Dáiví siúl leo. “Ní féidir dom siúl leo seo,” arsa Dáiví le Sól, “cheal taithí orthu.” Bhain Dáiví de arís ansin iad.

[40] Tomou o seu cajado na mão, e escolheu para si cinco pedras lisas do ribeiro, e as pôs no alforje de pastor, que trazia, a saber, no surrão; e, lançando mão da sua funda, foi-se chegando ao filisteu.

[40]Rug sé greim ar a bhachall dá bhrí sin, thogh cúig clocha sleamhna as leaba an tsruthháin agus chuir chuige ina mhála nó ina sparán aoire iad; d'imigh sé leis ansin in aghaidh an Fhilistínigh agus a chrann tabhaill ina láimh aige.

Davi encontra-se com o gigante e mata-o

[41] O filisteu também se vinha chegando a Davi; e o seu escudeiro ia adiante dele.

[41]Bhí an Filistíneach ag teacht agus ag druidim le Dáiví agus a ghiolla scéithe roimhe amach.

[42] Olhando o filisteu e vendo a Davi, o desprezou, porquanto era moço ruivo e de boa aparência.

[42]D'fhéach an Filistíneach agus chonaic Dáiví agus bhuail drochmheas air é, mar nach raibh ann ach ógánach, buachaill naíonta dealraitheach.

[43] Disse o filisteu a Davi: Sou eu algum cão, para vires a mim com paus? E, pelos seus deuses, amaldiçoou o filisteu a Davi.

[43]Dúirt an Filistíneach le Dáiví: “An madra mise, a rá go bhfuil tú ag teacht i m'aghaidh le bataí?” Agus chuir an Filistíneach mallacht ar Dháiví dar a dhéithe féin.

[44] Disse mais o filisteu a Davi: Vem a mim, e darei a tua carne às aves do céu e às bestas-feras do campo.

[44]Dúirt an Filistíneach le Dáiví: “Gabh anseo i leith chugam agus tabharfaidh mé d'fheoil d'éanlaith an aeir agus d'ainmhithe an mhachaire.”

[45] Davi, porém, disse ao filisteu: Tu vens contra mim com espada, e com lança, e com escudo; eu, porém, vou contra ti em nome do SENHOR dos Exércitos, o Deus dos exércitos de Israel, a quem tens afrontado.

[45]Ach d'fhreagair Dáiví an Filistíneach: “Tá tú ag teacht i m'aghaidh le claíomh agus le sleá agus le ga, ach táimse ag teacht i d'aghaidhse in ainm Tiarna na Slua, Dia airm Iosrael, ar thug tú a dhúshlán.

[46] Hoje mesmo, o SENHOR te entregará nas minhas mãos; ferir-te-ei, tirar-te-ei a cabeça e os cadáveres do arraial dos filisteus darei, hoje mesmo, às aves dos céus e às bestas-feras da terra; e toda a terra saberá que há Deus em Israel.

[46]Tabharfaidh an Tiarna isteach i mo láimh thú inniu agus leagfaidh mé ar lár thú; bainfidh mé an ceann díot; agus inniu féin tabharfaidh mé coirp shluaite na bhFilistíneach d'éanlaith an aeir agus d'ainmhithe an mhachaire, chun go

mbeidh a fhios ag an domhan go léir go bhfuil Dia in Iosrael,

[47] Saberá toda esta multidão que o SENHOR salva, não com espada, nem com lança; porque do SENHOR é a guerra, e ele vos entregará nas nossas mãos.

[47]agus go mbeidh a fhios ag an gcomhthionól seo ar fad nach le claíomh ná le sleá a dhéanann an Tiarna fuascailt, mar is leis an Tiarna an cath agus tabharfaidh sé sibhse isteach inár lámhana."

[48] Sucedeu que, dispondo-se o filisteu a encontrar-se com Davi, este se apressou e, deixando as suas fileiras, correu de encontro ao filisteu.

[48]A thúisce a chorraigh arm na bhFilistíneach agus a dhruid chun tosaigh chun aghaidh a thabhairt ar Dháiví, [scar] Dáiví leis an líne chatha agus rith i gcoinne an Fhilistínigh.

[49] Davi meteu a mão no alforje, e tomou dali uma pedra, e com a funda lha atirou, e feriu o filisteu na testa; a pedra encravou-se-lhe na testa, e ele caiu com o rosto em terra.

[49]Chuir Dáiví a lámh ina mhála, thóg cloch as, agus chaith as a chrann tabhaill í gur bhuail an Filistíneach i gclár a éadain; ghabh an chloch trí chlár a éadain agus thit sé ar a bhéal ar an talamh.

[50] Assim, prevaleceu Davi contra o filisteu, com uma funda e com uma pedra, e o feriu, e o matou; porém não havia espada na mão de Davi.

[50]Sin mar a rug Dáiví bua ar an bhFilistíneach le crann tabhaill agus le cloch gur bhuail an Filistíneach agus gur mharaigh é, gan aon chlaíomh ina láimh ag Dáiví.

[51] Pelo que correu Davi, e, lançando-se sobre o filisteu, tomou-lhe a espada, e desembainhou-a, e o matou, cortando-lhe com ela a cabeça. Vendo os filisteus que era morto o seu herói, fugiram.

[51]Rith Dáiví ansin go dtí an Filistíneach, sheas os a chionn, rug greim ar a chlaíomh siúd, tharraing as a thruaill é, agus mharaigh é agus bhain an ceann de leis. Nuair a chonaic na Filistínigh go raibh a gcuradh marbh, theitheadar.

[52] Então, os homens de Israel e Judá se levantaram, e jubilaram, e perseguiram os filisteus, até Gate e até às portas de Ecrom. E caíram filisteus feridos pelo caminho, de Saaraim até Gate e até Ecrom.

[52]Ar aghaidh le fir Iosrael agus Iúdá ag cur a ngáir chatha astu agus chuireadar tóir ar na Filistínigh go himill Ghat agus go geataí Eacrón. Bhí Filistínigh ghonta sa chosair chró ar feadh an bhóthair ó Sheáraím go Gat agus Eacrón.

[53] Então, voltaram os filhos de Israel de perseguirem os filisteus e lhes despojaram os acampamentos.
[54] Tomou Davi a cabeça do filisteu e a trouxe a Jerusalém; porém as armas dele pô-las Davi na sua tenda.

[55] Quando Saul viu sair Davi a encontrar-se com o filisteu, disse a Abner, o comandante do exército: De quem é filho este jovem, Abner? Respondeu Abner: Tão certo como tu vives, ó rei, não o sei.
[56] Disse o rei: Pergunta, pois, de quem é filho este jovem.
[57] Voltando Davi de haver ferido o filisteu, Abner o tomou e o levou à presença de Saul, trazendo ele na mão a cabeça do filisteu.
[58] Então, Saul lhe perguntou: De quem és filho, jovem? Respondeu Davi: Filho de teu servo Jessé, belemita.

1 Samuel 18

A amizade de Jônatas para com Davi

[1] Sucedeu que, acabando Davi de falar com Saul, a alma de Jônatas se ligou com a de Davi; e Jônatas o amou como à sua própria alma.
[2] Saul, naquele dia, o tomou e não lhe permitiu que tornasse para casa de seu pai.

[3] Jônatas e Davi fizeram aliança; porque Jônatas o amava como à sua própria alma.

[53]Nuair a d'fhill clann Iosrael ón tóir ar na Filistínigh, chreachadar a gcampa.

[54]Rug Dáiví ceann an Fhilistínigh leis agus thug sé go Iarúsailéim é; ach choinnigh sé a airm ina bhoth féin.

Glacann Sól le Dáiví

[55]Nuair a chonaic Sól Dáiví ag dul in aghaidh an Fhilistínigh dúirt sé le hAibnéar: “A Aibnéar, cé leis an t-ógánach seo?” “Dar do bheo, a rí,” arsa Aibnéar, “nach eol dom.”
[56]“Faigh amach,” arsan rí, “cé leis an slataire.”
[57]Ag filleadh do Dháiví tar éis ár na bhFilistíneach rug Aibnéar leis é agus thug os comhair Shóil é, agus ceann an Fhilistínigh ina láimh.
[58]“Cé leis thú, a fhir óig?” d'fhiafraigh Sól de; d'fhreagair Dáiví: “Le do shearbhónta Ieise ó Bheithil.”

1 Samúéil 18

[1]Ach a raibh deireadh ráite aige le Sól bhí anam Iónátán snaidhmthe le hanam Dháiví agus thug Iónátán grá dó mar a dhéanfadh dá anam féin.

[2]Ghlac Sól lena ais é, an lá sin agus ní ligfeadh sé dó filleadh ar theach a athar.

[3]Rinne Iónátán conradh le Dáiví go dtabharfadh sé grá dó mar a dhéanfadh dá anam féin.

[4] Despojou-se Jônatas da capa que vestia e a deu a Davi, como também a armadura, inclusive a espada, o arco e o cinto.

[5] Saía Davi aonde quer que Saul o enviava e se conduzia com prudência; de modo que Saul o pôs sobre tropas do seu exército, e era ele benquisto de todo o povo e até dos próprios servos de Saul.

[6] Sucedeu, porém, que, vindo Saul e seu exército, e voltando também Davi de ferir os filisteus, as mulheres de todas as cidades de Israel saíram ao encontro do rei Saul, cantando e dançando, com tambores, com júbilo e com instrumentos de música.

O cântico das mulheres indigna a Saul

[7] As mulheres se alegravam e, cantando alternadamente, diziam: Saul feriu os seus milhares, porém Davi, os seus dez milhares.

[8] Então, Saul se indignou muito, pois estas palavras lhe desagradaram em extremo; e disse: Dez milhares deram elas a Davi, e a mim somente milhares; na verdade, que lhe falta, senão o reino?

[9] Daquele dia em diante, Saul não via a Davi com bons olhos.

[10] No dia seguinte, um espírito maligno, da parte de Deus, se apossou de Saul, que teve uma crise de raiva em casa; e Davi, como nos outros dias, dedilhava a harpa; Saul, porém, trazia na mão uma lança,

[4]Bhain Iónátán de an fhallaing a bhí uime agus thug do Dháiví é; mar an gcéanna lena éide chatha, agus fiú a chlaíomh, a bhogha agus a chrios.

[5]Cibé uair a ghabhadh Dáiví amach, agus cibé cúram a chuireadh Sól air, ritheadh leis, agus chuir Sól i gceannas na saighdiúirí é. Bhí gean ag an bpobal air agus ag oifigigh Shóil chomh maith.

[6]Nuair a bhí siad ar an mbealach abhaile agus Dáiví ag filleadh tar éis dó an Filistíneach a mharú, tháinig na mná amach as cathracha Iosrael go léir in airicis an rí, Sól, iad ag canadh agus ag rince agus ag seinm tiompán, agus gléasanna ceoil agus ag tógáil gártha áthais.

[7]Is é a bhí á chanadh ag na mná agus iad ag rince: “Mharaigh Sól a mhílte, agus Dáiví a dheicheanna de mhílte.”

[8]Tháinig cuthach ar Shól agus ghoill an chaint sin air. Agus dúirt sé: “Chuir siad na deicheanna de mhílte i leith Dháiví agus níor chuir siad i mo leithse ach na mílte. Níl de dhíth air anois ach an ríocht.”

[9]Agus bhí Sól ag faire go géar ar Dháiví ón lá sin amach.

[10]Lá arna mhárach ghabh drochspiorad ó Dhia greim de ruathar ar Shól, agus bhuail taom buile é ina theach, agus Dáiví ag seinm na cruite mar ba ghnáth leis gach lá. Bhí a shleá ina láimh ag Sól

[11] que arrojou, dizendo: Encravarei a Davi na parede. Porém Davi se desviou dele por duas vezes.

[12] Saul temia a Davi, porque o SENHOR era com este e se tinha retirado de Saul.

[13] Pelo que Saul o afastou de si e o pôs por chefe de mil; ele fazia saídas e entradas militares diante do povo.

[14] Davi lograva bom êxito em todos os seus empreendimentos, pois o SENHOR era com ele.

[15] Então, vendo Saul que Davi lograva bom êxito, tinha medo dele.

[16] Porém todo o Israel e Judá amavam Davi, porquanto fazia saídas e entradas militares diante deles.

Saul intenta matar a Davi pela astúcia

[17] Disse Saul a Davi: Eis aqui Merabe, minha filha mais velha, que te darei por mulher; sê-me somente filho valente e guerreia as guerras do SENHOR; porque Saul dizia consigo: Não seja contra ele a minha mão, e sim a dos filisteus.

[18] Respondeu Davi a Saul: Quem sou eu, e qual é a minha vida e a família de meu pai em Israel, para vir a ser eu genro do rei?

[19] Sucedeu, porém, que, ao tempo em que Merabe, filha de Saul, devia ser dada a Davi, foi dada por mulher a Adriel, meolatita.

Mical ama a Davi e casa com ele

[11]agus thug Sól amas lena shleá air á rá leis féin: “Déanfaidh mé é a ghreamú den bhalla,” ach d'éalaigh Dáiví uaidh faoi dhó.

[12]Bhí eagla ar Shól roimh Dháiví mar go raibh an Tiarna leis-sean ach é imithe ó Shól.

[13]Dhíbir Sól óna láthair é dá réir sin agus rinne sé taoiseach míle de. Ghabhadh sé isteach agus amach ar cheann an tslua.

[14]Bhí ag rith le Dáiví ina chúraimí go léir, agus bhí an Tiarna leis.

[15]Agus nuair a chonaic Sól go raibh rith an rása leis, tháinig scéin air roimhe.

[16]Ach bhí gean ag Iosrael go léir agus ag Iúdá ar Dháiví, mar gurbh é a dtaoiseach é ina n-eachtraí go léir.

Pósann Dáiví

[17]Ansin dúirt Sól le Dáiví: “Seo í an iníon is sine agam, Méarab; tabharfaidh mé duit í mar bhean; ach ní foláir duit seirbhís a dhéanamh dom go cróga agus cathanna an Tiarna a throid” - mar is é a shocraigh Sól ina aigne: “Nárab í mo lámhsa a leagfaidh ar lár é, ach lámh na bhFilistíneach.”

[18]D'fhreagair Dáiví Sól á rá: “Cé hé mise, agus cé hiad mo mhuintir, agus teaghlach m'athar in Iosrael a rá go mbeinn i mo chliamhain ag an rí?”

[19]Ach nuair a tháinig a t-am le Méarab iníon Shóil a thabhairt do Dháiví is do Aidriéil ó Mhaholá a tugadh í mar bhean.

[20] Mas Mical, a outra filha de Saul, amava a Davi. Contaram-no a Saul, e isso lhe agradou.

[21] Disse Saul: Eu lha darei, para que ela lhe sirva de laço e para que a mão dos filisteus venha a ser contra ele. Pelo que Saul disse a Davi: Com esta segunda serás, hoje, meu genro.

[22] Ordenou Saul aos seus servos: Falai confidencialmente a Davi, dizendo: Eis que o rei tem afeição por ti, e todos os seus servos te amam; consente, pois, em ser genro do rei.

[23] Os servos de Saul falaram estas palavras a Davi, o qual respondeu: Parece-vos coisa de somenos ser genro do rei, sendo eu homem pobre e de humilde condição?

[24] Os servos de Saul lhe referiram isto, dizendo: Tais foram as palavras que falou Davi.

[25] Então, disse Saul: Assim direis a Davi: O rei não deseja dote algum, mas cem prepúcios de filisteus, para tomar vingança dos inimigos do rei. Porquanto Saul tentava fazer cair a Davi pelas mãos dos filisteus.

[26] Tendo os servos de Saul referido estas palavras a Davi, agradou-se este de que viesse a ser genro do rei. Antes de vencido o prazo,

[27] dispôs-se Davi e partiu com os seus homens, e feriram dentre os filisteus duzentos homens; trouxe os seus prepúcios e os entregou todos ao rei, para

[20]Ansin thit Míceal, iníon le Sól, i ngrá le Dáiví. Insíodh é sin do Shól agus thaitin sé leis.

[21]Dúirt sé leis féin, “Sea, tabharfaidh mé dó í, agus beidh sí ina gaiste dó agus buailfidh lámh na bhFilistíneach é.” Dúirt Sól dá bhrí sin an dara huair le Dáiví: “Beidh tú i do chliamhain agam.”

[22]Thug Sól ordú dá ghiollaí mar leanas dá bhrí sin: “Labhraigí le Dáiví os íseal agus abraigí: ‘Féach, tugann an rí gean duit agus tá cion ag a shearbhóntaí go léir ort; bí i do chliamhain ag an rí más ea.’ ”

[23]Dúirt giollaí Shóil na nithe sin go léir i gcogar le Dáiví; agus d'fhreagair Dáiví: “An dóigh libh go bhfuil sé breá bog agamsa a bheith i mo chliamhain ag an rí agus mé gan mhaoin gan cháil.”

[24]Ansin dúirt giollaí Shóil leis siúd: “A leithéid seo a dúirt Dáiví.”

[25]D'fhreagair Sól: “Abraigí le Dáiví: ‘Níl de spré ón rí ach céad forchraiceann de chuid na bhFilistíneach mar dhíoltas ar naimhde an rí.’ ” Bhí Sól á bheartú go dtitfeadh Dáiví le láimh an bhFilistíneach.

[26]Thug a ghiollaí an scéala seo do Dháiví agus bhí lúcháir air a mheas go mbeadh sé ina chliamhain ag an rí. Sula raibh an t-am tagtha

[27]d'éirigh Dáiví agus chuir chun bealaigh, é féin agus a chuid fear, agus mharaigh sé dhá chéad de na Filistínigh. Thug Dáiví a dhá gcéad forchraiceann leis agus

que lhe fosse genro. Então, Saul lhe deu por mulher a sua filha Mical.

chomhair ansiúd i láthair an rí iad, ionas go mbeadh sé ina chliamhain ag an rí. Ansin thug Sól a iníon Míceal dó mar bhean.

[28] Viu Saul e reconheceu que o SENHOR era com Davi; e Mical, filha de Saul, o amava.

[28]Thuig Sól go dianmhaith ansin go raibh an Tiarna le Dáiví, agus go raibh cion ag [teaghlach Iosrael go léir] air,

[29] Então, Saul temeu ainda mais a Davi e continuamente foi seu inimigo.

[29]agus ba mhóide a eagla roimh Dháiví agus rinne de namhaid buan do Dháiví.

[30] Cada vez que os príncipes dos filisteus saíam à batalha, Davi lograva mais êxito do que todos os servos de Saul; portanto, o seu nome se tornou muito estimado.

[30]Théadh taoisigh na bhFilistíneach amach chun catha, ach gach uair a théidís chun catha ba mhó í caithréim Dháiví ná caithréim cheannairí Shóil go léir, agus bhí clú agus cáil dá réir air.

1 Samuel 19

Jônatas intercede por Davi

[1] Falou Saul a Jônatas, seu filho, e a todos os servos sobre matar Davi. Jônatas, filho de Saul, mui afeiçoado a Davi,

[2] o fez saber a este, dizendo: Meu pai, Saul, procura matar-te; acautela-te, pois, pela manhã, fica num lugar oculto e esconde-te.

[3] Eu sairei e estarei ao lado de meu pai no campo onde estás; falarei a teu respeito a meu pai, e verei o que houver, e te farei saber.

[4] Então, Jônatas falou bem de Davi a Saul, seu pai, e lhe disse: Não peque o rei contra seu servo Davi, porque ele não pecou contra ti, e os seus feitos para contigo têm sido mui importantes.

1 Samúéil 19

Cosnaíonn Iónátán Dáiví

[1]Dúirt Sól lena mhac Iónátán agus lena shearbhóntaí go léir nárbh fholáir Dáiví a mharú. Ach bhí an-chion ag Iónátán mac Shóil ar Dháiví

[2]agus thug Iónátán rabhadh do Dháiví á rá: “Tá m'athair Sól ag iarraidh thú a mharú. Bí ar d'fhaichill, mar sin, maidin amárach; gabh i bhfolach in áit uaigneach éigin.

[3]Agus gabhfaidh mise amach agus fanfaidh mé i gcomhluadar m'athar sa ghort mar a mbeidh tusa agus labhróidh mé le m'athair fút. Má fhaighim fios an scéil inseoidh mé duit é.”

[4]Mhol Iónátán Dáiví dá athair, Sól, dá bhrí sin agus dúirt leis: “Ná déanadh an rí peaca in aghaidh a shearbhónta, Dáiví, mar ní dhearna seisean peaca i d'aghaidh,

agus gach a ndearna sé, chuaigh sé go mór i dtairbhe duitse.

5 Arriscando ele a vida, feriu os filisteus e efetuou o SENHOR grande livramento a todo o Israel; tu mesmo o viste e te alegraste; por que, pois, pecarias contra sangue inocente, matando Davi sem causa?

5Chuaigh sé i mbaol a anama nuair a mharaigh sé an Filistíneach, agus nuair a thug Dia bua mór d'Iosrael go léir. Chonaic tú féin é, agus bhí lúcháir ort. Cén fáth mar sin go ndéanfá peaca in aghaidh fola neamhchiontaí agus Dáiví a mharú gan chúis?"

6 Saul atendeu à voz de Jônatas e jurou: Tão certo como vive o SENHOR, ele não morrerá.

6Agus thug Sól aird ar a ndúirt Iónátán agus thug Sól mionn á rá: "Dar an Tiarna beo, ní mharófar é."

7 Jônatas chamou a Davi, contou-lhe todas estas palavras e o levou a Saul; e esteve Davi perante este como dantes.

7Ghlaoigh Iónátán ar Dháiví agus d'inis sé an méid sin dó. Ansin thug Iónátán Dáiví leis go dtí Sól agus bhíodh sé ag freastal air faoi mar bhíodh roimhe sin.

Saul procura, de novo, matar a Davi

Dáiví ar Teitheadh

8 Tornou a haver guerra, e, quando Davi pelejou contra os filisteus e os feriu com grande derrota, e fugiram diante dele,

8Bhí sé ina chogadh arís agus chuaigh Dáiví amach agus throid in aghaidh na bhFilistíneach; rinne sé ár agus eirleach orthu agus theitheadar roimhe.

9 o espírito maligno, da parte do SENHOR, tornou sobre Saul; estava este assentado em sua casa e tinha na mão a sua lança, enquanto Davi dedilhava o seu instrumento músico.

9Ansin ghabh drochspiorad ón Tiarna greim ar Shól agus é ina shuí ina theach agus a shleá ina láimh aige; bhí Dáiví ag seinm na cruite.

10 Procurou Saul encravar a Davi na parede, porém ele se desviou do seu golpe, indo a lança ferir a parede; então, fugiu Davi e escapou.

10Rinne Sól iarracht ar Dháiví a ghreamú den bhalla lena shleá, ach sceinn sé as an tslí ó Shól i dtreo gur sháigh seisean a shleá sa bhalla. Theith Dáiví agus tháinig slán.

11 Porém Saul, naquela mesma noite, mandou mensageiros à casa de Davi, que o vigiassem, para ele o matar pela manhã; disto soube Davi por Mical, sua mulher,

11An oíche chéanna úd chuir Sól dream go teach Dháiví chun é a fhaire d'fhonn é a mharú maidin lá arna mhárach. Ach dúirt Míceal bean Dháiví leis: "Mura n-éalaíonn

que lhe disse: Se não salvares a tua vida esta noite, amanhã serás morto.

tú le d'anam anocht, marófar thú amárach."

Mical engana a seu pai e salva a Davi

[12] Então, Mical desceu Davi por uma janela; e ele se foi, fugiu e escapou.

[12]Ansin scaoil Míceal Dáiví síos ón bhfuinneog, agus theith sé leis agus d'éalaigh.

[13] Mical tomou um ídolo do lar, e o deitou na cama, e pôs-lhe à cabeça um tecido de pêlos de cabra, e o cobriu com um manto.

[13]Fuair Míceal an taráfaím, an íomhá, ansin agus leag ar an leaba é, chuir mothall d'fhionnadh gabhair ar a cheann, agus leag brat air á cheilt.

[14] Tendo Saul enviado mensageiros que trouxessem Davi, ela disse: Está doente.

[14]Nuair a sheol Sól lucht a ghafa go Dáiví, dúirt sí: "Tá sé tinn."

[15] Então, Saul mandou mensageiros que vissem Davi, ordenando-lhes: Trazei-mo mesmo na cama, para que o mate.

[15]Ach chuir Sól a ghiollaí ar ais chun Dáiví a fheiceáil á rá: "Tugaigí chugam aníos ar a leaba é ionas go maróinn é!"

[16] Vindo, pois, os mensageiros, eis que estava na cama o ídolo do lar, e o tecido de pêlos de cabra, ao redor de sua cabeça.

[16]Chuadar isteach dá bhrí sin agus ansiúd rompu ar an leaba bhí an taráfaím agus an mothall d'fhionnadh gabhair ar a cheann!

[17] Então, disse Saul a Mical: Por que assim me enganaste e deixaste ir e escapar o meu inimigo? Respondeu-lhe Mical: Porque ele me disse: Deixa-me ir; se não, eu te mato.

[17]Ansin dúirt Sól le Míceal: "Cén fáth ar mheall tú mar seo mé agus ligean do mo namhaid imeacht agus éalú leis?" D'fhreagair Míceal Sól á rá: "Dúirt sé liom: 'Lig dom imeacht, cén fáth thú a mharú? ' "

Saul e seus mensageiros profetizam

[18] Assim, Davi fugiu, e escapou, e veio a Samuel, a Ramá, e lhe contou tudo quanto Saul lhe fizera; e se retiraram, ele e Samuel, e ficaram na casa dos profetas.

[18]Theith Dáiví agus d'éalaigh leis agus chuaigh go Samúéil i Rámá agus d'inis sé dó gach a ndearna Sól air. D'imigh sé féin agus Samúéil ansin agus chuireadar fúthu sna botháin.

[19] Foi dito a Saul: Eis que Davi está na casa dos profetas, em Ramá.

[19]Tháinig an scéala go Sól: "Tá Dáiví sna botháin i Rámá."

[20] Então, enviou Saul mensageiros para trazerem Davi, os quais viram um grupo de profetas profetizando, onde estava Samuel, que lhes presidia; e o Espírito de

[20]Chuir Sól giollaí chun Dáiví a ghabháil. Nuair a chonaic siad cuallacht na bhfáithe ag fáidheoireacht agus Samúéil ansiúd i gceannas orthu, tháinig spiorad Dé ar

Deus veio sobre os mensageiros de Saul, e também eles profetizaram.

ghiollaí Shóil agus rinneadarsan fáidheoireacht chomh maith.

[21] Avisado disto, Saul enviou outros mensageiros, e também estes profetizaram; então, enviou Saul ainda uns terceiros, os quais também profetizaram.

[21]Nuair a fuair Sól an scéala sin chuir sé giollaí eile uaidh, ach rinneadarsan fáidheoireacht chomh maith. Ansin chuir Sól giollaí eile fós den tríú huair, ach rinneadarsan fáidheoireacht chomh maith.

[22] Então, foi também ele mesmo a Ramá e, chegando ao poço grande que estava em Seco, perguntou: Onde estão Samuel e Davi? Responderam-lhe: Eis que estão na casa dos profetas, em Ramá.

[22]Chuaigh sé féin go Rámá ansin, agus tháinig sé go tobar [an urláir bhuailte ar an gcnocán maol] agus d'fhiafraigh: “Cá bhfuil Samúéil agus Dáiví?” D'fhreagair duine éigin: “Féach, tá siad sna botháin i Rámá.”

[23] Então, foi para a casa dos profetas, em Ramá; e o mesmo Espírito de Deus veio sobre ele, que, caminhando, profetizava até chegar à casa dos profetas, em Ramá.

[23]D'imigh sé leis ón áit sin go dtí na botháin i Rámá agus tháinig spiorad Dé airsean chomh maith agus, ar an mbealach do, bhí sé ag fáidheoireacht nó gur shroich sé na botháin i Rámá.

[24] Também ele despiu a sua túnica, e profetizou diante de Samuel, e, sem ela, esteve deitado em terra todo aquele dia e toda aquela noite; pelo que se diz: Está também Saul entre os profetas?

[24]Chaith seisean leis a chuid éadaigh de agus bhí sé ag fáidheoireacht chomh maith i láthair Shamúéil agus d'fhan sé ansiúd sínte ar an talamh agus é nocht ar feadh an lae agus na hoíche sin. Uaidh sin an nath: “An bhfuil Sól freisin ar dhuine de na fáithe?”

1 Samuel 20

A amizade entre Davi e Jônatas

[1] Então, fugiu Davi da casa dos profetas, em Ramá, e veio, e disse a Jônatas: Que fiz eu? Qual é a minha culpa? E qual é o meu pecado diante de teu pai, que procura tirar-me a vida?

1 Samúéil 20

Cabhraíonn Iónátán le Dáiví

[1]Theith Dáiví ó na botháin i Rámá, agus tháinig sé agus labhair sé le Iónátán: “Cad a rinne mé as an tslí? Cén cion atá orm, agus cén choir a rinne mé in aghaidh d'athar a rá go bhfuil sé ar thóir m'anama?”

[2] Ele lhe respondeu: Tal não suceda; não serás morto. Meu pai não faz coisa nenhuma, nem grande nem pequena, sem primeiro me dizer; por que, pois, meu pai me ocultaria isso? Não há nada disso.

[2]D'fhreagair seisean é: “Cuir uait agus ná bí den tuairim sin. Ní mharóidh sé thú. Féach, ní dhéanann m'athair aon ní, le tábhacht ná gan tábhacht, gan é chur faoi mo bhráid. Cén fáth a gceilfeadh m'athair é seo orm? Ní fíor é.”

[3] Então, Davi respondeu enfaticamente: Mui bem sabe teu pai que da tua parte achei mercê; pelo que disse consigo: Não saiba isto Jônatas, para que não se entristeça. Tão certo como vive o SENHOR, e tu vives, Jônatas, apenas há um passo entre mim e a morte.

[3]Ach thug Dáiví mionn arís agus dúirt: “Is maith is eol do d'athair go bhfuil an-chion agatsa orm, agus deir sé leis féin: ‘Ná bíodh a fhios seo ag Iónátán nó goillfidh sé air.’ Ach dar an Tiarna beo, agus dar do bheo féin, níl ach coiscéim idir mise agus an bás.”

[4] Disse Jônatas a Davi: O que tu desejares eu te farei.

[4]Ansin dúirt Iónátán le Dáiví: “Cad a theastaíonn uait a dhéanfainn duit?”

[5] Disse Davi a Jônatas: Amanhã é a Festa da Lua Nova, em que sem falta deveria assentar-me com o rei para comer; mas deixa-me ir, e esconder-me-ei no campo, até à terceira tarde.

[5]D'fhreagair Dáiví: “Féach, amárach an Ré Nua agus ba dhual domsa a bheith ag bord leis an rí; ach ligse dom dul i bhfolach sna goirt go tráthnóna (an tríú lá).

[6] Se teu pai notar a minha ausência, dirás: Davi me pediu muito que o deixasse ir a toda pressa a Belém, sua cidade; porquanto se faz lá o sacrifício anual para toda a família.

[6]Má thugann d'athair faoi deara mé a bheith as láthair, caithfidh tú a rá: ‘D'impigh Dáiví go díograiseach orm cead a thabhairt dó brostú leis go Beithil, a bhaile féin, mar go bhfuil an íobairt bhliantúil don fhine go léir á ceiliúradh ansiúd.’

[7] Se disser assim: Está bem! Então, teu servo terá paz. Porém, se muito se indignar, sabe que já o mal está, de fato, determinado por ele.

[7]Má deir sé: ‘Tá go maith, ’ tá do shearbhónta slán; ach má thagann fearg air, bíodh a fhios agat go bhfuil an t-olc beartaithe aige.

[8] Usa, pois, de misericórdia para com o teu servo, porque lhe fizeste entrar contigo em aliança no SENHOR; se, porém, há em

[8]Bí cineálta dílis dá bhrí sin le do shearbhónta, mar d'aontaigh tú thú féin leis de bhrí chonartha in ainm an Tiarna. Ach má táim ciontach, cuirse féin chun

mim culpa, mata-me tu mesmo; por que me levarias a teu pai?

9 Então, disse Jônatas: Longe de ti tal coisa; porém, se dalguma sorte soubesse que já este mal estava, de fato, determinado por meu pai, para que viesse sobre ti, não to declararia eu?

10 Perguntou Davi a Jônatas: Quem tal me fará saber, se, por acaso, teu pai te responder asperamente?

11 Então, disse Jônatas a Davi: Vem, e saiamos ao campo. E saíram.

Jônatas faz aliança com Davi

12 E disse Jônatas a Davi: O SENHOR, Deus de Israel, seja testemunha. Amanhã ou depois de amanhã, a estas horas sondarei meu pai; se algo houver favorável a Davi, eu to mandarei dizer.

13 Mas, se meu pai quiser fazer-te mal, faça com Jônatas o SENHOR o que a este aprouver, se não to fizer saber eu e não te deixar ir embora, para que sigas em paz. E seja o SENHOR contigo, como tem sido com meu pai.

14 Se eu, então, ainda viver, porventura, não usarás para comigo da bondade do SENHOR, para que não morra?

15 Nem tampouco cortarás jamais da minha casa a tua bondade; nem ainda quando o SENHOR desarraigar da terra todos os inimigos de Davi.

báis mé - cad ab áil leat do mo bhreith go dtí d'athair?”

9D'fhreagair Iónátán: “Cuir uait, ná bí den tuairim sin. Dá mbeinnse cinnte de go raibh m'athair meáite ar olc a thabhairt sa mhullach ort, nach n-inseoinn sin duit?”

10Ansin d'fhiafraigh Dáiví de Iónátán: “Cé a inseoidh dom é má thugann d'athair freagra dolba ort?”

11“Téanam,” arsa Iónátán le Dáiví, “téimis amach faoi na bánta.” D'imíodar araon amach faoi na bánta.

12Ansin dúirt Iónátán le Dáiví: “Go raibh an Tiarna Dia Iosrael ina fhinné! Déanfaidh mé m'athair a thriail an taca seo amárach (nó an tríú lá); má bhíonn gach ní ina cheart maidir le Dáiví agus nach gcuirim sin in iúl dó,

13ansin go ndéana an Tiarna a leithéid seo le Iónátán - agus a thuilleadh fós. Má bheartaíonn m'athair urchóid a dhéanamh duit, cuirfidh mé é sin in iúl duit agus seolfaidh mé chun siúil thú agus éalóidh tú gan díobháil, agus go raibh an Tiarna leat mar a bhíodh le m'athair.

14Má mhairim fós, taispeáin dom cineáltas buan an Tiarna féin; má fhaighim bás

15ná diúltaigh do chineáltas féin do mo theaghlach go brách. Nuair a scriosfaidh an Tiarna gach namhaid de chuid Dháiví de dhroim na talún,

16 Assim, fez Jônatas aliança com a casa de Davi, dizendo: Vingue o SENHOR os inimigos de Davi.
17 Jônatas fez jurar a Davi de novo, pelo amor que este lhe tinha, porque Jônatas o amava com todo o amor da sua alma.
18 Disse-lhe Jônatas: Amanhã é a Festa da Lua Nova; perguntar-se-á por ti, porque o teu lugar estará vazio.

19 Ao terceiro dia, descerás apressadamente e irás para o lugar em que te escondeste no dia do ajuste; e fica junto à pedra de Ezel.

20 Atirarei três flechas para aquele lado, como quem atira ao alvo.

21 Eis que mandarei o moço e lhe direi: Vai, procura as flechas; se eu disser ao moço: Olha que as flechas estão para cá de ti, traze-as; então, vem, Davi, porque, tão certo como vive o SENHOR, terás paz, e nada há que temer.

22 Porém, se disser ao moço: Olha que as flechas estão para lá de ti. Vai-te embora, porque o SENHOR te manda ir.
23 Quanto àquilo de que eu e tu falamos, eis que o SENHOR está entre mim e ti, para sempre.
24 Escondeu-se, pois, Davi no campo; e, sendo a Festa da Lua Nova, pôs-se o rei à mesa para comer.

16 ná scriostar ainm Iónátán ó theaghlach Dháiví, [nó éileoidh an Tiarna cuntas ar Dháiví]"
17 [Thug] Iónátán an mionn sollúnta arís do Dháiví dar a ghrá dó mar gur ghráigh sé é mar a rinne a anam féin.
18 Dúirt Iónátán leis: "Amárach an Ré Nua; braithfear ar iarraidh thú mar go mbeidh do shuíochán follamh.
19 Arú amárach ámh, tógfar an-cheann de thú a bheith ar iarraidh, agus ní foláir duit dul chun na háite ina ndeachaigh tú i bhfolach lá an bhirt, agus fanacht taobh leis an gcarnán cloch ansiúd.
20 Maidir liomsa, scaoilfidh mé trí saigheada cliathánach leis mar a dhéanfainn le sprioc.
21 Ansin cuirfidh mé mo ghiolla uaim á rá: 'Téigh agus faigh na saigheada.' Má deirim leis an ngiolla: 'Féach! tá na saigheada ar an taobh seo duit, beir leat iad, ' ansin ní miste duit teacht, mar beidh sé sábháilte agat agus ní bheidh aon chúis eagla agat dar an Tiarna beo.
22 Ach má deirim leis an ógánach: 'Féach! tá na saigheada romhat amach.' Ansin bailigh leat mar beidh an Tiarna é féin do do chur chun siúil.
23 Maidir leis an margadh a rinneamar lena chéile, mise agus tusa, sea, tá an Tiarna ina fhinné eadrainn go brách."
24 Chuaigh Dáiví i bhfolach sna bánta; tháinig an Ré Nua agus shuigh an rí síos chun bia a ithe.

25 Assentou-se o rei na sua cadeira, segundo o costume, no lugar junto à parede; Jônatas, defronte dele, e Abner, ao lado de Saul; mas o lugar de Davi estava desocupado.

26 Porém, naquele dia, não disse Saul nada, pois pensava: Aconteceu-lhe alguma coisa, pela qual não está limpo; talvez esteja contaminado.

27 Sucedeu também ao outro dia, o segundo da Festa da Lua Nova, que o lugar de Davi continuava desocupado; disse, pois, Saul a Jônatas, seu filho: Por que não veio a comer o filho de Jessé, nem ontem nem hoje?

28 Respondeu Jônatas a Saul: Davi me pediu, encarecidamente, que o deixasse ir a Belém.

29 Ele me disse: Peço-te que me deixes ir, porque a nossa família tem um sacrifício na cidade, e um de meus irmãos insiste comigo para que eu vá. Se, pois, agora, achei mercê aos teus olhos, peço-te que me deixes partir, para que veja meus irmãos. Por isso, não veio à mesa do rei.

Saul irado contra Jônatas

30 Então, se acendeu a ira de Saul contra Jônatas, e disse-lhe: Filho de mulher perversa e rebelde; não sei eu que elegeste o filho de Jessé, para vergonha tua e para vergonha do recato de tua mãe?

31 Pois, enquanto o filho de Jessé viver sobre a terra, nem tu estarás seguro, nem seguro o teu reino; pelo que manda buscá-lo, agora, porque deve morrer.

25Shuigh an rí mar ba ghnáth leis sa chathaoir ag an mballa; [shuigh] Iónátán os a chomhair, agus shuigh Aibnéar taobh le Sól, ach bhí ionad Dháiví follamh.

26Ach ní dúirt Sól aon ní an lá sin, mar shíl sé: “Tharla rud éigin dó; tá sé neamhghlan, tá sin go cinnte.”

27Ach an dara lá, an lá tar éis na Ré Nua, bhí áit Dháiví fós follamh. Agus dúirt Sól le Iónátán a mhac: “Cad ina thaobh nár tháinig mac Ieise chun an bhéile inné ná inniu?”

28D'fhreagair Iónátán Sól: “D'impigh Dáiví go díograiseach orm cead a thabhairt dó dul go Beithil:

29‘Lig dom dul, ’ ar sé, ‘mar tá íobairt na fine againn sa chathair agus d'ordaigh mo dhearthái dom a bheith i láthair. Má réitíonn tú le m'iarratas más ea, lig dom imeacht agus mo dhearthaireacha a fheiceáil.’ Sin é faoi deara dó gan teacht go bord an rí.”

30Tháinig racht feirge ar Shól ansin le Iónátán agus dúirt sé leis: “A mhic na mná táire crosta! nach eol dom go bhfuil tú i gcomhar le mac Ieise, chun d'aithise féin agus aithise nochtacht do mháthar!

31Fad a mhairfidh mac Ieise beo ar talamh, ní bheidh tú féin ná do chearta rí daingean gan bhaol. Cuir fios air, dá bhrí sin, agus tabhair chugam é, óir tá an bás i ndán dó.”

[32] Então, respondeu Jônatas a Saul, seu pai, e lhe disse: Por que há de ele morrer? Que fez ele?

[33] Então, Saul atirou-lhe com a lança para o ferir; com isso entendeu Jônatas que, de fato, seu pai já determinara matar a Davi.

[34] Pelo que Jônatas, todo encolerizado, se levantou da mesa e, neste segundo dia da Festa da Lua Nova, não comeu pão, pois ficara muito sentido por causa de Davi, a quem seu pai havia ultrajado.

Jônatas despede-se de Davi

[35] Na manhã seguinte, saiu Jônatas ao campo, no tempo ajustado com Davi, e levou consigo um rapaz.

[36] Então, disse ao seu rapaz: Corre a buscar as flechas que eu atirar. Este correu, e ele atirou uma flecha, que fez passar além do rapaz.

[37] Chegando o rapaz ao lugar da flecha que Jônatas havia atirado, gritou Jônatas atrás dele e disse: Não está a flecha mais para lá de ti?

[38] Tornou Jônatas a gritar: Apressa-te, não te demores. O rapaz de Jônatas apanhou as flechas e voltou ao seu senhor.

[39] O rapaz não entendeu coisa alguma; só Jônatas e Davi sabiam deste ajuste.

[40] Então, Jônatas deu as suas armas ao rapaz que o acompanhava e disse-lhe: Anda, leva-as à cidade.

[41] Indo-se o rapaz, levantou-se Davi do lado do sul e prostrou-se rosto em terra

[32]Ansin d'fhreagair Iónátán Sól, a athair: “Cén fáth é a chur chun báis,” ar sé, “céard atá déanta aige?”

[33]Ach chaith Sól urchar dá shleá leis lena leagan ar lár; thuig Iónátán ansin go raibh sé beartaithe ag a athair Dáiví a chur chun báis.

[34]D'éirigh Iónátán ón mbord agus fraoch feirge air agus níor chaith sé aon bhia an dara lá sin den Ré Nua, mar gur ghoill cás Dháiví air mar gur mhaslaigh a athair é.

[35]Maidin lá arna mharach ghabh Iónátán amach sna bánta chun na coinne a bhí aige le Dáiví, agus giolla óg ina theannta.

[36]Dúirt sé lena ghiolla: “Rith agus faigh na saigheada atá le caitheamh agam,” agus fad a bhí an giolla ag rith chaith sé saighead roimhe amach.

[37]Nuair a shroich an giolla an áit inar chaith Iónátán an tsaighead, ghlaoigh Iónátán chun an ghiolla agus dúirt: “Nach bhfuil an tsaighead romhat amach?”

[38]Ghlaoigh Iónátán chun an ghiolla arís: “Brostaigh, corraigh ort, ná déan moill.” Bhailigh giolla Iónátán na saigheada agus tháinig ar ais chun a mháistir.

[39]Ní raibh tuairim dá laghad ag an ngiolla i dtaobh cad a bhí i gceist; ag Iónátán agus ag Dáiví amháin a bhí fios an scéil.

[40]Thug Iónátán a airm dá ghiolla ansin agus dúirt leis: “Imigh leat agus beir leat don chathair iad.”

[41]Nuair a d'imigh an giolla d'éirigh Dáiví ón áit ina raibh sé ag taobh an chairn agus

três vezes; e beijaram-se um ao outro e choraram juntos; Davi, porém, muito mais.

chaith é féin ar a bhéal ar an talamh agus chrom faoi thrí. Ansin phógadar a chéile agus ghoileadar go fuíoch le chéile nó gur tháinig Dáiví chuige féin.

[42] Disse Jônatas a Davi: Vai-te em paz, porquanto juramos ambos em nome do SENHOR, dizendo: O SENHOR seja para sempre entre mim e ti e entre a minha descendência e a tua.

[42]Dúirt Iónátán ansin le Dáiví: “Imigh faoi shíocháin. Maidir leis an mionn a mhionnaigh an bheirt againn in ainm an Tiarna, go raibh an Tiarna ina fhinné idir thusa agus mise, idir do shliochtsa agus mo shliochtsa go brach.”

[43] Então, se levantou Davi e se foi; e Jônatas entrou na cidade.

[43]D'éirigh [Dáiví] ina sheasamh ansin agus d'imigh sé leis, agus d'fhill Iónátán ar an gcathair.

1 Samuel 21

Davi vai ter com o sacerdote Aimeleque

[1] Então, veio Davi a Nobe, ao sacerdote Aimeleque; Aimeleque, tremendo, saiu ao encontro de Davi e disse-lhe: Por que vens só, e ninguém, contigo?

[2] Respondeu Davi ao sacerdote Aimeleque: O rei deu-me uma ordem e me disse: Ninguém saiba por que te envio e de que te incumbo; quanto aos meus homens, combinei que me encontrassem em tal e tal lugar.

[3] Agora, que tens à mão? Dá-me cinco pães ou o que se achar.

[4] Respondendo o sacerdote a Davi, disse-lhe: Não tenho pão comum à mão; há, porém, pão sagrado, se ao menos os teus homens se abstiveram das mulheres.

1 Samúéil 21

Dáiví agus Sagart Nob

[1]Tháinig Dáiví ansin go Nob go dtí Aichímeilic, sagart. Tháinig Aichímeilic amach go hurramach in airicis Dháiví agus dúirt: “Cén fáth a bhfuil tú i d'aonar agus gan aon duine leat?”

[2]D'fhreagair Dáiví Aichímeilic sagart: “Thug an rí ordú dom agus dúirt liom: ‘Ná bíodh aon eolas ag aon duine faoin ngnó ar a bhfuilim do do chur, ná faoin ordú atáim a thabhairt duit.’ Maidir le mo shaighdiúirí, tá coinne déanta agam leo ina leithéid seo d'áit.

[3]Idir an dá linn, céard atá ar láimh anseo agaibh? Tabhair dom cúig bhuilín nó cibé rud atá ar fáil.”

[4]D'fhreagair an sagart Dáiví: “Níl aon arán coiteann ar láimh agam; níl ann ach arán naofa - ar choinníoll gur staon do chuid fear ó mhná.”

[5] Respondeu Davi ao sacerdote e lhe disse: Sim, como sempre, quando saio à campanha, foram-nos vedadas as mulheres, e os corpos dos homens não estão imundos. Se tal se dá em viagem comum, quanto mais serão puros hoje!

[5]D'fhreagair Dáiví an sagart: “Bí deimhin de go bhfuil mná coiscthe orainn faoi mar a bhíonn i gcónaí nuair a théim ar eachtra; tá a gcuid coinnithe naofa ag mo shaighdiúirí. Cé gur aistear coiteann é seo, tá a gcuid naofa inniu go cinnte.”

[6] Deu-lhe, pois, o sacerdote o pão sagrado, porquanto não havia ali outro, senão os pães da proposição, que se tiraram de diante do SENHOR, quando trocados, no devido dia, por pão quente.

[6]Thug an sagart an t-arán naofa dó dá bhrí sin mar nach raibh d'arán ann ach arán na láithreachta a thógtar ó láthair an Tiarna le harán te a chur ina áit an lá a thógtar é.

[7] Achava-se ali, naquele dia, um dos servos de Saul, detido perante o SENHOR, cujo nome era Doegue, edomita, o maioral dos pastores de Saul.

[7]Tharla duine de shearbhóntaí Shóil a bheith ansiúd an lá sin, é coinnithe i láthair an Tiarna; Doéig an tEadómach a ba ainm dó agus ba é ceannaire tréadairí Shóil é.

[8] Disse Davi a Aimeleque: Não tens aqui à mão lança ou espada alguma? Porque não trouxe comigo nem a minha espada nem as minhas armas, porque a ordem do rei era urgente.

[8]Dúirt Dáiví ansin le hAichímeilic: “Nach bhfuil aon sleá ná claíomh ar láimh anseo agat? Níor thug mé mo chlaíomh ná m'airm liom mar go raibh práinn le gnó an rí.”

[9] Respondeu o sacerdote: A espada de Golias, o filisteu, a quem mataste no vale de Elá, está aqui, envolta num pano detrás da estola sacerdotal; se a queres levar, leva-a, porque não há outra aqui, senão essa. Disse Davi: Não há outra semelhante; dá-ma.

[9]“Claíomh Ghóla an Filistíneach an té a mharaigh tú i nGleann Éileá,” arsa an sagart, “féach, tá sé ansiúd thall, agus éadach fillte air laistiar den éafód. Más mian leat é sin a bhreith leat, déan, mar níl anseo ach é.” “Níl a leithéid eile ann,” arsa Dáiví. “Tabhair dom é.”

Davi foge para Aquis, rei de Gate

[10] Levantou-se Davi, naquele dia, e fugiu de diante de Saul, e foi a Aquis, rei de Gate.

[10]D'imigh Dáiví leis an lá sin, agus theith ó Shól, agus tháinig go hÁicís rí Ghat.

[11] Porém os servos de Aquis lhe disseram: Este não é Davi, o rei da sua terra? Não é a este que se cantava nas danças, dizendo:

[11]Agus dúirt searbhóntaí Áicís leis-sean: “Nach é seo Dáiví, rí na tíre? Nach ina thaobh a chanaidís le chéile ag rince

Saul feriu os seus milhares, porém Davi, os seus dez milhares?

[12] Davi guardou estas palavras, considerando-as consigo mesmo, e teve muito medo de Aquis, rei de Gate.

[13] Pelo que se contrafez diante deles, em cujas mãos se fingia doido, esgravatava nos postigos das portas e deixava correr saliva pela barba.

[14] Então, disse Aquis aos seus servos: Bem vedes que este homem está louco; por que mo trouxestes a mim?

[15] Faltam-me a mim doidos, para que trouxésseis este para fazer doidices diante de mim? Há de entrar este na minha casa?

dóibh: 'Mharaigh Sól a mhílte, Agus Dáiví a dheicheanna de mhílte'?"

[12]Rinne Dáiví a mhachnamh ar na focail seo ina chroí, agus tháinig scanradh air roimh Áicís rí Ghat.

[13]Dhéanadh sé é féin a iompar go haisteach ina láthair, agus nuair a leagaidís lámha air ligeadh sé air a bheith ar buile. [Bhuaileadh] sé ar chomhlaí an gheata agus ligeadh prioslaí lena fhéasog síos.

[14]Dúirt Áicís lena shearbhóntaí: "Féach, tá an fear seo as a mheabhair! Cén fáth ar thug sibh chugamsa é?

[15]An amhlaidh nach bhfuil go leor gealt agam a rá is go bhfuil an duine seo á thabhairt agaibh chugam le bheith ag geamaíocht i mo láthair? An bhfuil sé le bheith ar mo theaghlach?"

1 Samuel 22

Davi esconde-se em Adulão e em Moabe

[1] Davi retirou-se dali e se refugiou na caverna de Adulão; quando ouviram isso seus irmãos e toda a casa de seu pai, desceram ali para ter com ele.

[2] Ajuntaram-se a ele todos os homens que se achavam em aperto, e todo homem endividado, e todos os amargurados de espírito, e ele se fez chefe deles; e eram com ele uns quatrocentos homens.

[3] Dali passou Davi a Mispa de Moabe e disse ao seu rei: Deixa estar meu pai e minha mãe convosco, até que eu saiba o que Deus há de fazer de mim.

1 Samúéil 22

Dáiví Meirleach

[1]D'imigh Dáiví leis ón áit sin agus chuaigh i bhfolach in uaimh Adulám. Chuala a dheartháireacha agus muintir a athar go léir é sin agus chuadar síos ansiúd chuige.

[2]Lucht anó agus gátair, agus fiach, agus aon duine a raibh gearán aige, chruinníodar go léir chuige, agus bhí sé mar cheannaire acu. Bhí timpeall ceithre chéad fear ina theannta.

[3]Chuaigh Dáiví ón áit sin go Mizpeá i Móáb agus dúirt sé le rí Mhóáb: "Lig do m'athair agus do mo mháthair fanacht in éineacht libh nó go mbeidh a fhios agam cad tá i ndán dom ag Dia."

[4] Trouxe-os perante o rei de Moabe, e com este moraram por todo o tempo que Davi esteve neste lugar seguro.

[5] Porém o profeta Gade disse a Davi: Não fiques neste lugar seguro; vai e entra na terra de Judá. Então, Davi saiu e foi para o bosque de Herete.

Saul mata todos os sacerdotes de Nobe

[6] Ouviu Saul que Davi e os homens que o acompanhavam foram descobertos. Achando-se Saul em Gibeá, debaixo de um arvoredo, numa colina, tendo na mão a sua lança, e todos os seus servos com ele,

[7] disse a todos estes: Ouvi, peço-vos, filhos de Benjamim, dar-vos-á também o filho de Jessé, a todos vós, terras e vinhas e vos fará a todos chefes de milhares e chefes de centenas,

[8] para que todos tenhais conspirado contra mim? E ninguém houve que me desse aviso de que meu filho fez aliança com o filho de Jessé; e nenhum dentre vós há que se doa por mim e me participe que meu filho contra mim instigou a meu servo, para me armar ciladas, como se vê neste dia.

[9] Então, respondeu Doegue, o edomita, que também estava com os servos de Saul, e disse: Vi o filho de Jessé chegar a Nobe, a Aimeleque, filho de Aitube,

[10] e como Aimeleque, a pedido dele, consultou o SENHOR, e lhe fez provisões, e lhe deu a espada de Golias, o filisteu.

[4]D'fhág sé ag rí Mhóáb iad agus d'fhanadar aige i rith an ama a bhí Dáiví sa daingean.

[5]Ansin dúirt an fáidh Gád le Dáiví: “Ná fan sa daingean; imigh leat agus gabh isteach i dtír Iúdá.” D'imigh Dáiví leis dá bhrí sin agus chuaigh isteach i bhforaois Heirit.

Marú na Sagart

[6]Chuala Sól ansin go bhfacthas Dáiví agus an mhuintir a bhí in éineacht leis. Bhí Sól i nGibeá, ina shuí faoin gcrann tamaraisce ar an ardán, a shleá ina láimh agus a oifigigh ina seasamh ina thimpeall.

[7]“A fheara Bhiniáimin, éistigí liom,” arsa Sól lena oifigigh a bhí ina seasamh ina thimpeall; “an dtabharfaidh mac Ieise páirceanna agus fíonghoirt daoibh go léir, agus an ndéanfaidh sé ceannairí míle, agus ceannairí céad díbh go léir,

[8]a rá is go bhfuil sibh uile i gcogar ceilge i m'aghaidh? Nuair a rinne mo mhac conradh le mac Ieise, níor thug aon duine eolas dom faoi; ní raibh trua ag aon duine agaibh dom, ná níor thug scéal dom nuair a ghriog mo mhac mo shearbhónta i m'aghaidh le bheidh ina namhaid agam mar atá anois.”

[9]Ansin labhair Doéig an tEadómach; bhí sé ina sheasamh ansiúd taobh le hoifigigh Shóil; “Chonaic mé mac Ieise,” ar sé, “ag teacht go Nob, go hAichímeilic mac Aichiteob.

[10]D'iarr seisean comhairle an Tiarna dó, agus thug lón bóthair dó, agus claíomh Ghóla an Filistíneach.”

[11] Então, o rei mandou chamar Aimeleque, sacerdote, filho de Aitube, e toda a casa de seu pai, a saber, os sacerdotes que estavam em Nobe; todos eles vieram ao rei.

[12] Disse Saul: Ouve, peço-te, filho de Aitube! Este respondeu: Eis-me aqui, meu senhor!

[13] Então, lhe disse Saul: Por que conspirastes contra mim, tu e o filho de Jessé? Pois lhe deste pão e espada e consultaste a favor dele a Deus, para que se levantasse contra mim e me armasse ciladas, como hoje se vê.

[14] Respondeu Aimeleque ao rei e disse: E quem, entre todos os teus servos, há tão fiel como Davi, o genro do rei, chefe da tua guarda pessoal e honrado na tua casa?

[15] Acaso, é de hoje que consulto a Deus em seu favor? Não! Jamais impute o rei coisa nenhuma a seu servo, nem a toda a casa de meu pai, pois o teu servo de nada soube de tudo isso, nem muito nem pouco.

[16] Respondeu o rei: Aimeleque, morrerás, tu e toda a casa de teu pai.

[17] Disse o rei aos da guarda, que estavam com ele: Volvei e matai os sacerdotes do SENHOR, porque também estão de mãos dadas com Davi e porque souberam que fugiu e não mo fizeram saber. Porém os

[11]Ansin chuir an rí fios ar an sagart Aichímeilic mac Aichiteob agus a mhuintir go léir, sagairt Nob. Thángadar go léir go dtí an rí.

[12]Dúirt Sól: “Éist liom anois, a mhic Aichiteob.” D'fhreagair seisean: “Anseo dom, a thiarna.”

[13]Agus dúirt Sól leis: “Cén fáth a ndearna sibh comhcheilg i m'aghaidh, thú féin agus mac Ieise, ag tabhairt aráin agus claímh dó, agus ag iarraidh comhairle Dé dó, i slí is go ndéanfadh sé ceannairc i m'aghaidh agus a bheith ag faire na faille orm, rud atá anois?”

[14]D'fhreagair Aichímeilic an rí: “Cé hé i measc do shearbhóntaí go léir atá chomh dílis le Dáiví, cliamhain an rí, captaen ar gharda do chosanta, agus fear atá faoi ghradam i do theaghlach?

[15]An é inniú an chéad uair riamh agam ag lorg comhairle Dé dó? I bhfad uaim a leithéid! Ná cuireadh an rí aon ní i leith a shearbhónta ná i leith a mhuintire go léir, mar bhí do shearbhónta dall ar fad ar an ngnó go léir.”

[16]Ach d'fhreagair an rí: “Cuirfear chun báis thú, cuirfear sin go cinnte, a Aichímeilic, thú féin agus do mhuintir go léir.”

[17]Agus dúirt an rí leis an díorma garda a bhí ína seasamh ina thimpeall: “Ar aghaidh libh agus cuirigí sagairt an Tiarna chun báis, mar gur thug siadsan freisin lámh chúnta do Dháiví; bhí a fhios acu go raibh sé ar teitheadh ach níor insíodar

servos do rei não quiseram estender as mãos contra os sacerdotes do SENHOR.

[18] Então, disse o rei a Doegue: Volve-te e arremete contra os sacerdotes. Então, se virou Doegue, o edomita, e arremeteu contra os sacerdotes, e matou, naquele dia, oitenta e cinco homens que vestiam estola sacerdotal de linho.

[19] Também a Nobe, cidade destes sacerdotes, passou a fio de espada: homens, e mulheres, e meninos, e crianças de peito, e bois, e jumentos, e ovelhas.

Abiatar refugia-se com Davi

[20] Porém dos filhos de Aimeleque, filho de Aitube, um só, cujo nome era Abiatar, salvou-se e fugiu para Davi;

[21] e lhe anunciou que Saul tinha matado os sacerdotes do SENHOR.

[22] Então, Davi disse a Abiatar: Bem sabia eu, naquele dia, que, estando ali Doegue, o edomita, não deixaria de o dizer a Saul. Fui a causa da morte de todas as pessoas da casa de teu pai.

[23] Fica comigo, não temas, porque quem procura a minha morte procura também a tua; estarás a salvo comigo.

1 Samuel 23

Davi livra a Queila

[1] Foi dito a Davi: Eis que os filisteus pelejam contra Queila e saqueiam as eiras.

dom é.” Ach níorbh áil le searbhóntaí an rí lámh dhearg a imirt ar shagairt an Tiarna.

[18]Ansin dúirt an rí le Doéig: “Ar aghaidh leat agus imir faobhar ar na sagairt.” Agus ar aghaidh le Doéig an tEadómach agus d'imir sé faobhar ar na sagairt, agus mharaigh sé cúigear agus ceithre fichid díobh siúd a chaith an t-éafód lín an lá sin.

[19]Agus Nob, cathair na sagart, d'imir Sól claíomh uirthi, agus chuir chun báis le faobhar claímh idir fhir agus mhná, leanaí agus naíonáin, eallach agus asail agus chaoirigh.

[20]Ach d'éalaigh duine de chlann mhac Aichímeilic mac Aichiteob darbh ainm Aibíátár, agus theith sé leis chun Dáiví,

[21]agus dúirt Aibíátár le Dáiví gur mharaigh Sól sagairt an Tiarna.

[22]“Bhí a fhios agam an lá sin,” arsa Dáiví le hAibíátár, “nuair a bhí Doéig an tEadómach ann, go sceithfeadh seisean orm go cinnte le Sól. Mise is cionsiocair le bás gach duine de do mhuintirse go léir.

[23]Fan faramsa! Ná bíodh eagla ort! An té atá ar tí d'anamasa, tá sé ar tí m'anamasa chomh maith! Beidh tú slán ó bhaol faramsa.”

1 Samúéil 23

Dáiví i gCeíleá

[1]Thainig scéala go Dáiví: “Tá na Filistínigh ag troid in aghaidh Cheíleá, agus tá siad ag creachadh na n-urlár buailte.”

[2] Consultou Davi ao SENHOR, dizendo: Irei eu e ferirei estes filisteus? Respondeu o SENHOR a Davi: Vai, e ferirás os filisteus, e livrarás Queila.

[2]Chuaigh Dáiví i gcomhairle leis an Tiarna: “An rachaidh mé agus cath a chur ar na Filistínigh seo?” D'fhreagair an Tiarna Dáiví: “Téigh agus cuir cath ar na Filistínigh agus fuascail Ceíleá.”

[3] Porém os homens de Davi lhe disseram: Temos medo aqui em Judá, quanto mais indo a Queila contra as tropas dos filisteus.

[3]Ach dúirt lucht leanúna Dháiví leis: “Seo sinne agus scéin orainn anseo in Iúdá. Nach mó go mór a bheidh an scéal amhlaidh má théimid go Ceíleá chun cath a chur ar na Filistínigh?”

[4] Então, Davi tornou a consultar o SENHOR, e o SENHOR lhe respondeu e disse: Dispõe-te, desce a Queila, porque te dou os filisteus nas tuas mãos.

[4]Chuaigh Dáiví i gcomhairle leis an Tiarna arís agus d'fhreagair an Tiarna: “Imigh leat! Gabh síos go Ceíleá mar cuirfidh mise na Filistínigh faoi do bhois.”

[5] Partiu Davi com seus homens a Queila, e pelejou contra os filisteus, e levou todo o gado, e fez grande morticínio entre eles; assim, Davi salvou os moradores de Queila.

[5]Chuaigh Dáiví agus a lucht leanúna go Ceíleá dá bhrí sin, agus chuireadar cath ar na Filistínigh, agus thugadar leo a n-eallach mar chreach, agus bhriseadar go tubaisteach orthu. D'fhuascail Dáiví áitritheoirí Cheíleá ar an gcuma sin.

[6] Sucedeu que, quando Abiatar, filho de Aimeleque, fugiu para Davi, a Queila, desceu com a estola sacerdotal na mão.

[6]Nuair a theith Aibíátár mac Aichímeilic go dtí Dáiví, tháinig sé síos go Ceíleá agus éafód ina ghlac.

[7] Foi anunciado a Saul que Davi tinha ido a Queila. Disse Saul: Deus o entregou nas minhas mãos; está encerrado, pois entrou numa cidade de portas e ferrolhos.

[7]Nuair a insíodh do Shól go raibh Dáiví imithe go Ceíleá, dúirt Sól: “Tá sé tugtha i mo láimh ag Dia dom, óir chuir sé é féin i dteannta nuair a chuaigh sé isteach i gcathair ar a bhfuil geataí agus boltaí.”

[8] Então, Saul mandou chamar todo o povo à peleja, para que descessem a Queila e cercassem Davi e os seus homens.

[8]Ghairm Sól a phobal go léir chun cogaidh le dul síos go Ceíleá le léigear a chur ar Dháiví agus ar a lucht leanúna.

[9] Sabedor, porém, Davi de que Saul maquinava o mal contra ele, disse a Abiatar, sacerdote: Traze aqui a estola sacerdotal.

[9]Bhí a fhios ag Dáiví, ámh, go raibh urchóid á beartú ag Sól ina aghaidh agus dúirt sé le hAibíátár an sagart: “Tabhair an t-éafód anseo.”

[10] Orou Davi: Ó SENHOR, Deus de Israel, teu servo ouviu que Saul, de fato, procura vir a Queila, para destruir a cidade por causa de mim.

[11] Entregar-me-ão os homens de Queila nas mãos dele? Descerá Saul, como o teu servo ouviu? Ah! SENHOR, Deus de Israel, faze-o saber ao teu servo. E disse o SENHOR: Descerá.

[12] Perguntou-lhe Davi: Entregar-me-ão os homens de Queila, a mim e aos meus servos, nas mãos de Saul? Respondeu o SENHOR: Entregarão.

[13] Então, se dispôs Davi com os seus homens, uns seiscentos, saíram de Queila e se foram sem rumo certo. Sendo anunciado a Saul que Davi fugira de Queila, cessou de persegui-lo.

[14] Permaneceu Davi no deserto, nos lugares seguros, e ficou na região montanhosa no deserto de Zife. Saul buscava-o todos os dias, porém Deus não o entregou nas suas mãos.

Davi e Jônatas renovam a aliança

[15] Vendo, pois, Davi que Saul saíra a tirar-lhe a vida, deteve-se no deserto de Zife, em Horesa.

[16] Então, se levantou Jônatas, filho de Saul, e foi para Davi, a Horesa, e lhe fortaleceu a confiança em Deus,

[17] e lhe disse: Não temas, porque a mão de Saul, meu pai, não te achará; porém tu reinarás sobre Israel, e eu serei contigo o

[10]Ansin dúirt Dáiví: “A Thiarna, a Dhia Iosrael, tá scéal cinnte faighte ag do sheirbhíseach go bhfuil Sól ag beartú teacht go Ceíleá chun an chathair a scrios de mo bharrsa.

[11](An dtabharfaidh muintir Cheíleá mise suas dó?) An dtiocfaidh Sól anuas mar a chuala do shearbhónta? A Thiarna, a Dhia Iosrael, inis do do shearbhónta, impím ort.” D'fhreagair an Tiarna: “Déanfaidh.”

[12]Ansin d'fhiafraigh Dáiví: “An ndéanfaidh muintir Cheíleá mise agus mo lucht leanúna a thabhairt suas do Shól?” Agus d'fhreagair an Tiarna: “Déanfaidh.”

[13]Ansin d'imigh Dáiví agus a lucht leanúna, timpeall sé chéad fear, agus chuireadar chun bóthair ó Cheíleá agus d'imíodar cibé treo inarbh fhéidir leo. Nuair a chuala Sól gur éalaigh Dáiví ó Cheíleá, d'éirigh sé as an eachtra.

[14]D'fhan Dáiví san fhásach, sna daingin, ar na sléibhte i bhfásach Zíf. Níor chuaigh aon stad ar Shól ó lá go lá, ach á chuardach, ach níor thug Dia ar láimh dó é.

Cuairt ó Iónátán

[15]Bhí eagla ar Dháiví mar go raibh Sól tagtha amach ar tí a mharaithe. Bhí Dáiví an uair sin i Hoiris i bhfásach Zíf.

[16]Chuir Iónátán mac Shóil chun bóthair agus tháinig go dtí Dáiví i Hoiris agus thug misneach dó in ainm Dé.

[17]“Ná bíodh aon eagla ort,” ar sé leis, “mar ní bhfaighidh Sól m'athair greim ort; tusa a bheidh i do rí ar Iosrael, agus mise a

segundo, o que também Saul, meu pai, bem sabe.

[18] E ambos fizeram aliança perante o SENHOR. Davi ficou em Horesa, e Jônatas voltou para sua casa.

A traição dos zifeus

[19] Então, subiram os zifeus a Saul, a Gibeá, dizendo: Não se escondeu Davi entre nós, nos lugares seguros de Horesa, no outeiro de Haquila, que está ao sul de Jesimom?

[20] Agora, pois, ó rei, desce conforme te impõe o coração; toca-nos a nós entregarmo-lo nas mãos do rei.

[21] Disse Saul: Benditos sejais vós do SENHOR, porque vos compadecestes de mim.

[22] Ide, pois, informai-vos ainda melhor, sabei e notai o lugar que freqüenta e quem o tenha visto ali; porque me foi dito que é astutíssimo.

[23] Pelo que atentai bem e informai-vos acerca de todos os esconderijos em que ele se oculta; então, voltai a ter comigo com seguras informações, e irei convosco; se ele estiver na terra, buscá-lo-ei entre todos os milhares de Judá.

[24] Então, se levantaram eles e se foram a Zife, adiante de Saul; Davi, porém, e os seus homens estavam no deserto de Maom, na planície, ao sul de Jesimom.

[25] Saul e os seus homens se foram ao encalço dele, e isto foi dito a Davi; pelo que desceu para a penha que está no deserto de Maom. Ouvindo-o Saul, perseguiu a Davi no deserto de Maom.

bheidh taobh leat; is eol do Shól m'athair é sin freisin."

[18]Rinne an bheirt acu conradh i láthair an Tiarna. D'fhan Dáiví i Hoiris, agus chuaigh Iónátán abhaile.

Éalaíonn Dáiví

[19]Chuaigh cuid de mhuintir Zíf suas go Sól i nGibeá. "Nach bhfuil Dáiví," ar siad, "i bhfolach inár measc i ndaingin Hoiris ar Shliabh Haicíleá, laisteas de Ieisímeon?

[20]Tar anuas, más ea a rí, cibé uair ar bith is mian le do chroí teacht. Is é ár ngnó é a thabhairt ar láimh don rí."

[21]"Go gcuire an Tiarna a bheannacht oraibh, de bharr teacht i gcabhair orm," arsa Sól.

[22]"Imígí anois agus déanaigí deimhin de níos mó fós; faighigí amach cá dtéann rian a chos agus coinnigí cuimhne air, mar deirtear liom go bhfuil sé lán de ghliceas.

[23]Faighigí faisnéis bheacht ar na háiteanna folaigh go léir ina dtéann sé i bhfolach, agus filligí orm nuair a bheidh sibh cinnte. Rachaidh mé chugaibh ansin agus má bhíonn sé sa dúiche, rachaidh mé sa tóir air ar fud finí uile Iúdá."

[24]D'imíodar leo dá bhrí sin agus chuadar go Zíf roimh Shól. Idir an dá linn bhí Dáiví agus a chuid fear i bhfásach Mháón, san Arabá, laisteas de Ieisímeon.

[21] Os filisteus deixaram lá os seus ídolos; e Davi e os seus homens os levaram.

[22] Os filisteus tornaram a subir e se estenderam pelo vale dos Refains.

[23] Davi consultou ao SENHOR, e este lhe respondeu: Não subirás; rodeia por detrás deles e ataca-os por defronte das amoreiras.

[24] E há de ser que, ouvindo tu um estrondo de marcha pelas copas das amoreiras,

[16]Eilíseámá, Eilíádá, Eilifeálat.

Bua ar na Filistínigh

[17]Nuair a chuala na Filistínigh gur ceapadh Dáiví ina rí ar Iosrael go léir, ghabhadar go léir suas ar a thóir. Arna chlos sin, chuaigh Dáiví síos go dtí an dúnfort.

[18]Nuair a tháinig na Filistínigh, chuireadar cóiriú oscailte orthu féin i nGleann Rafáím.

[19]Chuaigh Dáiví i gcomhairle leis an Tiarna: “An rachaidh mé in aghaidh na bhFilistíneach, an dtabharfaidh tú i mo láimh dom iad?” D'fhreagair an Tiarna: “Ionsaigh iad! Déanfaidh mé na Filistínigh a thabhairt i do láimh duit go dearfa.”

[20]Chuaigh Dáiví go Bál Parázaím agus bhuaigh sé ansiúd orthu. Dúirt Dáiví: “Rinne an Tiarna maidhm i líne mo namhad faoi mar a dhéanfadh tuile na habhann.” Uime sin a tugadh Bál Parázaím (nó Maidhm an Tiarna) ar an áit sin.

[21]D'fhág na Filistínigh a n-íola ansiúd agus thug Dáiví agus a chuid fear leo iad.

[22]Tháinig na Filistínigh aníos arís agus chuireadar cóiriú oscailte catha orthu féin i nGleann Rafáím.

[23]Chuaigh Dáiví i gcomhairle leis an Tiarna agus d'fhreagair sé: “Ná hionsaigh iad ceann ar aghaidh; gabh timpeall ar a gcúl agus cuir cath orthu os comhair na gcrann balsaim.

[24]Nuair a chloisfidh tú trup na gcoiscéimeanna ar bharr na gcrann, ansin

então, te apressarás: é o SENHOR que saiu diante de ti, a ferir o arraial dos filisteus.

25 Fez Davi como o SENHOR lhe ordenara; e feriu os filisteus desde Geba até chegar a Gezer.

2 Samuel 6

Davi traz para Jerusalém a arca
1 Crônicas 13.5-14

1 Tornou Davi a ajuntar todos os escolhidos de Israel, em número de trinta mil.

2 Dispôs-se e, com todo o povo que tinha consigo, partiu para Baalá de Judá, para levarem de lá para cima a arca de Deus, sobre a qual se invoca o Nome, o nome do SENHOR dos Exércitos, que se assenta acima dos querubins.

3 Puseram a arca de Deus num carro novo e a levaram da casa de Abinadabe, que estava no outeiro; e Uzá e Aiô, filhos de Abinadabe, guiavam o carro novo.

4 Levaram-no com a arca de Deus, da casa de Abinadabe, que estava no outeiro; e Aiô ia adiante da arca.

5 Davi e toda a casa de Israel alegravam-se perante o SENHOR, com toda sorte de instrumentos de pau de faia, com harpas, com saltérios, com tamboris, com pandeiros e com címbalos.

6 Quando chegaram à eira de Nacom, estendeu Uzá a mão à arca de Deus e a segurou, porque os bois tropeçaram.

ar aghaidh leat mar is é an Tiarna a bheidh ann ag gabháil romhat chun briseadh ar arm na bhFilistíneach.”

25Rinne Dáiví mar a d'ordaigh an Tiarna dó; chuir sé an ruaig ar na Filistínigh ó Ghibeón ar aghaidh go Bealach Gheizir.

2 Samúéil 6

An Áirc in Iarúsailéim

1Thionóil Dáiví sluaite tofa Iosrael go léir, tríocha míle fear.

2Chuir Dáiví chun bealaigh agus d'imigh lena lucht leanúna go léir ó Bhálá Iúdá chun áirc Dé ar a bhfuil ainm Tiarna na Slua a shuíonn faoi réim ar na ceiribíní a thabhairt aníos as sin.

3Leagadar áirc Dé ar charr nua, agus thugadar leo í ó theach Aibíonádáb atá ar an gcnoc. Bhí Uzá agus Aichíó, clann mhac Aibíonádáb, ag tiomáint an chairr nua.

4[Bhí Uzá ag siúl] taobh le háirc Dé agus Aichíó ag gabháil roimpi.

5Bhí Dáiví agus teaghlach Iosrael ag rince os comhair an Tiarna le barr dúthrachta, ag cantain le cruiteanna, le cláirseacha, le bodhráin, le castainéid, agus le ciombail.

6Nuair a thángadar go hurlár buailte áirithe, shin Uzá a lámh chun áirc an Tiarna agus choinnigh socair í mar go raibh na daimh ag tuisliú.

[7] Então, a ira do SENHOR se acendeu contra Uzá, e Deus o feriu ali por esta irreverência; e morreu ali junto à arca de Deus.

[8] Desgostou-se Davi, porque o SENHOR irrompera contra Uzá; e chamou aquele lugar Perez-Uzá, até ao dia de hoje.

[9] Temeu Davi ao SENHOR, naquele dia, e disse: Como virá a mim a arca do SENHOR?

[10] Não quis Davi retirar para junto de si a arca do SENHOR, para a Cidade de Davi; mas a fez levar à casa de Obede-Edom, o geteu.

[11] Ficou a arca do SENHOR em casa de Obede-Edom, o geteu, três meses; e o SENHOR o abençoou e a toda a sua casa.

A arca é levada para Jerusalém
1 Crônicas 15.25—16.3

[12] Então, avisaram a Davi, dizendo: O SENHOR abençoou a casa de Obede-Edom e tudo quanto tem, por amor da arca de Deus; foi, pois, Davi e, com alegria, fez subir a arca de Deus da casa de Obede-Edom, à Cidade de Davi.

[13] Sucedeu que, quando os que levavam a arca do SENHOR tinham dado seis passos, sacrificava ele bois e carneiros cevados.

[14] Davi dançava com todas as suas forças diante do SENHOR; e estava cingido de uma estola sacerdotal de linho.

[7]D'adhain fearg an Tiarna in aghaidh Uzá agus bhuail Dia ar an toirt é mar gur bhain sé leis an áirc lena láimh, agus fuair sé bás ansiúd taobh le háirc an Tiarna.

[8]Bhí Dáiví míshásta mar gur bhris fearg an Tiarna amach ina aghaidh Uzá, agus tugtar Bearna Uzá ar an áit go dtí an lá inniu.

[9]Bhí eagla an Tiarna ar Dháiví an lá sin: “Conas,” ar sé, “arbh fhéidir le háirc an Tiarna teacht chugamsa?”

[10]Shocraigh Dáiví gan an áirc a thabhairt isteach i nDúnfort Dháiví ach thug sé i leataobh í go teach Obaed Eadóm ó Ghat.

[11]D'fhan áirc an Tiarna i dteach Obaed Eadóm ó Ghat ar feadh trí mhí, agus chuir an Tiarna a bheannacht ar Obaed Eadóm agus ar a theaghlach go léir.

[12]Tháinig scéala go Dáiví rí gur chuir an Tiarna a bheannacht ar theaghlach Obaed Eadóm agus ar gach ar bhain leis de bharr áirc an Tiarna. D'imigh Dáiví dá bhrí sin agus thug sé áirc Dé leis aníos ó theach Obaed Eadóm go Dúnfort Dháiví le barr lúcháire.

[13]Nuair a bhí lucht iompair áirc an Tiarna imithe sé choiscéim, rinne sé damh agus caora ramhar a íobairt.

[14]Bhí Dáiví ag rince an méid a bhí ina chorp os comhair an Tiarna, agus éafód lín á chaitheamh aige.

[15] Assim, Davi, com todo o Israel, fez subir a arca do SENHOR, com júbilo e ao som de trombetas.

[16] Ao entrar a arca do SENHOR na Cidade de Davi, Mical, filha de Saul, estava olhando pela janela e, vendo ao rei Davi, que ia saltando e dançando diante do SENHOR, o desprezou no seu coração.

[17] Introduziram a arca do SENHOR e puseram-na no seu lugar, na tenda que lhe armara Davi; e este trouxe holocaustos e ofertas pacíficas perante o SENHOR.

[18] Tendo Davi trazido holocaustos e ofertas pacíficas, abençoou o povo em nome do SENHOR dos Exércitos.

[19] E repartiu a todo o povo e a toda a multidão de Israel, tanto homens como mulheres, a cada um, um bolo de pão, um bom pedaço de carne e passas. Então, se retirou todo o povo, cada um para sua casa.

Mical repreendida por Davi

[20] Voltando Davi para abençoar a sua casa, Mical, filha de Saul, saiu a encontrar-se com ele e lhe disse: Que bela figura fez o rei de Israel, descobrindo-se, hoje, aos olhos das servas de seus servos, como, sem pejo, se descobre um vadio qualquer!

[21] Disse, porém, Davi a Mical: Perante o SENHOR, que me escolheu a mim antes do que a teu pai e a toda a sua casa, mandando-me que fosse chefe sobre o

[15]Thug Dáiví agus teaghlach Iosrael go léir áirc an Tiarna aníos le gártha agus le séideadh an stoic.

[16]Nuair a bhí áirc an Tiarna ag dul isteach i nDúnfort Dháiví, bhí Míceal iníon Shóil ag faire ón bhfuinneog agus chonaic sí Dáiví rí ag steipeadaíl agus ag rince os comhair an Tiarna; tháinig drochmheas aici air ina croí.

[17]Thug siad áirc an Tiarna isteach leo agus d'fhág siad ina hionad í laistigh den bhoth a bhí curtha suas ag Dáiví di. Agus d'ofráil Dáiví íobairtí dóite agus íobairtí comaoineach os comhair an Tiarna.

[18]Nuair a bhí deireadh na n-íobairtí dóite agus na n-íobairtí comaoineach ofráilte ag Dáiví bheannaigh sé an pobal in ainm Tiarna na Slua.

[19]Ansin roinn sé ar an bpobal uile, ar shlua iomlán Iosrael, idir fhir agus mhná, cáca aráin an duine agus sciar dátaí agus císte rísíní. D'imigh an pobal go léir ansin, gach duine chun a thí féin.

[20]Ag teacht abhaile do Dháiví chun a theaghlach a bheannú, chuaigh Míceal iníon Shóil amach ina choinne: “Nach breá an cháil,” ar sí, “a thuill rí Iosrael dó féin inniu, á nochtadh féin os comhair chailíní a shearbhóntaí, mar a dhéanfadh aon chrosán é féin a nochtadh.”

[21]D'fhreagair Dáiví Míceal: “Don Tiarna a bhí mé ag rince. [Dar an Tiarna beo], an té a thogh mise roimh d'athair agus roimh a theaghlach go léir le taoiseach a

povo do SENHOR, sobre Israel, perante o SENHOR me tenho alegrado.

dhéanamh díom ar Iosrael, pobal an Tiarna, déanfaidh mé rince os comhair an Tiarna

[22] Ainda mais desprezível me farei e me humilharei aos meus olhos; quanto às servas, de quem falaste, delas serei honrado.

[22]agus mé féin a ísliú níos mó fós. Beidh mé gan mheas i do shúilese, ach beidh deamheas orm ina súile siúd, na cailíní a luann tú."

[23] Mical, filha de Saul, não teve filhos, até ao dia da sua morte.

[23]Go lá a báis bhí Míceal iníon Shóil gan chlann.

2 Samuel 7

A aliança do Senhor com Davi

1 Crônicas 17.1-15

[1] Sucedeu que, habitando o rei Davi em sua própria casa, tendo-lhe o SENHOR dado descanso de todos os seus inimigos em redor,

[2] disse o rei ao profeta Natã: Olha, eu moro em casa de cedros, e a arca de Deus se acha numa tenda.

[3] Disse Natã ao rei: Vai, faze tudo quanto está no teu coração, porque o SENHOR é contigo.

[4] Porém, naquela mesma noite, veio a palavra do SENHOR a Natã, dizendo:

[5] Vai e dize a meu servo Davi: Assim diz o SENHOR: Edificar-me-ás tu casa para minha habitação?

[6] Porque em casa nenhuma habitei desde o dia em que fiz subir os filhos de Israel do Egito até ao dia de hoje; mas tenho andado em tenda, em tabernáculo.

[7] Em todo lugar em que andei com todos os filhos de Israel, falei, acaso, alguma

2 Samúéil 7

Fáistine Nátán

[1]A luaithe a bhí an rí socair ina theach agus go raibh suaimhneas aige óna naimhde go léir ina thimpeall,

[2]dúirt an rí leis an bhfáidh Nátán: "Féach, táimse ag cur fúm i dteach céadrais, ach áirc Dé i mboth!"

[3]Dúirt Nátán leis an rí: "Imigh agus déan an uile ní is áil le do chroí, óir tá an Tiarna leat."

[4]An oíche cheannann chéanna tháinig briathar an Tiarna go Nátán:

[5]"Imigh leat agus abair le mo sheirbhíseach Dáiví: 'Seo mar a labhraíonn an Tiarna: An amhlaidh gur mian leat teach a thógáil dom ina ndéanfaidh mé cónaí?

[6]Níor fhan mé i dteach riamh ón lá a thug mé clann Iosrael amach as an Éigipt go dtí an lá inniu, ach chaith mé saol an tseachránaí agus mé i mo chónaí i mboth.

[7]Le linn mo chuid taistil go léir le pobal uile Iosrael, an ndúirt mé le haon duine de

palavra com qualquer das suas tribos, a quem mandei apascentar o meu povo de Israel, dizendo: Por que não me edificais uma casa de cedro?

[8] Agora, pois, assim dirás ao meu servo Davi: Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Tomei-te da malhada, de detrás das ovelhas, para que fosses príncipe sobre o meu povo, sobre Israel.

[9] E fui contigo, por onde quer que andaste, eliminei os teus inimigos diante de ti e fiz grande o teu nome, como só os grandes têm na terra.

[10] Prepararei lugar para o meu povo, para Israel, e o plantarei, para que habite no seu lugar e não mais seja perturbado, e jamais os filhos da perversidade o aflijam, como dantes,

[11] desde o dia em que mandei houvesse juízes sobre o meu povo de Israel. Dar-te-ei, porém, descanso de todos os teus inimigos; também o SENHOR te faz saber que ele, o SENHOR, te fará casa.

[12] Quando teus dias se cumprirem e descansares com teus pais, então, farei levantar depois de ti o teu descendente, que procederá de ti, e estabelecerei o seu reino.

[13] Este edificará uma casa ao meu nome, e eu estabelecerei para sempre o trono do seu reino.

bhreithiúna Iosrael a bhí ceaptha agam mar thréadaithe ar Iosrael mo phobal: “Cén fáth nár thóg tú teach céadrais dom? ’ ”

[8]Seo an rud is gá duit a rá le mo sheirbhíseach Dáiví: ‘Deir Tiarna na Slua an méid seo: Thóg mé ón talamh féaraigh thú agus ó aoireacht na gcaorach chun go mbeifeá i do thaoiseach ar Iosrael, mo phobal.

[9]Gach slógadh dá ndearna tú, bhí mé in éineacht leat; rinne mé do naimhde go léir a threascairt romhat. An té is mó ar talamh, ní mó a chlú ná an clú a thabharfaidh mé duitse.

[10]Cuirfidh mé áit ar fáil do mo phobal Iosrael. Suífidh mé ansin iad agus déanfaidh siad cónaí san áit sin agus ní chuirfear isteach orthu arís; ní bheidh cos ar bolg á imirt ag na lucht foréigin orthu, mar a bhíodh

[11]an uair úd a cheap mé breithiúna ar mo phobal Iosrael; tabharfaidh mé faoiseamh duit ó do naimhde go léir. Fógraíonn an Tiarna duit go ndéanfaidh an Tiarna teaghlach díot.

[12]Agus nuair a bheidh deireadh le do ré, agus go n-adhlacfar le do shinsir thú, cumhdóidh mé do shliocht i do dhiaidh, síol do choirp, agus daingneoidh mé a fhlaitheas.

[13](Eisean a thógfaidh teach do m'ainmse, agus daingneoidh mé a chathaoir ríoga go deo.)

[14] Eu lhe serei por pai, e ele me será por filho; se vier a transgredir, castigá-lo-ei com varas de homens e com açoites de filhos de homens.

[15] Mas a minha misericórdia se não apartará dele, como a retirei de Saul, a quem tirei de diante de ti.

[16] Porém a tua casa e o teu reino serão firmados para sempre diante de ti; teu trono será estabelecido para sempre.

[17] Segundo todas estas palavras e conforme toda esta visão, assim falou Natã a Davi.

Ações de graças de Davi

1 Crônicas 17.16-27

[18] Então, entrou o rei Davi na Casa do SENHOR, ficou perante ele e disse: Quem sou eu, SENHOR Deus, e qual é a minha casa, para que me tenhas trazido até aqui?

[19] Foi isso ainda pouco aos teus olhos, SENHOR Deus, de maneira que também falaste a respeito da casa de teu servo para tempos distantes; e isto é instrução para todos os homens, ó SENHOR Deus.

[20] Que mais ainda te poderá dizer Davi? Pois tu conheces bem a teu servo, ó SENHOR Deus.

[21] Por causa da tua palavra e segundo o teu coração, fizeste toda esta grandeza, dando-a a conhecer a teu servo.

[22] Portanto, grandíssimo és, ó SENHOR Deus, porque não há semelhante a ti, e não há outro Deus além de ti, segundo tudo o que nós mesmos temos ouvido.

[14]Beidh mé i m'athair aige, agus eisean ina mhac agamsa; má dhéanann sé olc, tabharfaidh mé an tslat dó mar phionós, faoi mar dhéanann daoine, agus buillí mar a thugann an cine daonna.

[15]Ach ní tharraingeoidh mé mo ghnaoi uaidh, mar a rinne mé le Sól an té a chuir mé as romhat.

[16]Seasfaidh do theaghlach agus do fhlaitheas i gcónaí go daingean romham agus daingneofar do ríchathaoir go deo.' ”

[17]D'inis Nátán na briathra sin go léir agus an foilsiú sin ar fad do Dháiví.

Urnaí Dháiví

[18]Chuaigh Dáiví rí isteach, shuigh os comhair an Tiarna agus dúirt: “Cé hé mise, a Thiarna Dia, agus cad é mo theaghlach, gur threoraigh tú an fad seo mé?

[19]Ach ní leor leat an fad seo, a Thiarna Dia, agus déanann tú do ghealltanais a shíneadh amach chuig teaghlach do shearbhónta san am atá i bhfad romhainn (agus seo é teagasc na ndaoine, a Thiarna Dia).

[20]Cad eile is féidir le do shearbhónta Dáiví a rá leat, nuair a rinne tú féin do shearbhónta a roghnú, a Thiarna Dia?

[21]Ar son do shearbhónta, [an madra seo leat,] rinne tú rud chomh mór sin nuair a d'fhoilsigh tú é seo do do shearbhónta.

[22]Uime sin is mór é thú, a Thiarna Dia; níl aon neach mar thú, níl aon Dia ann ach tú amháin, mar a chuala ár gcluasa féin.

[23] Quem há como o teu povo, como Israel, gente única na terra, a quem tu, ó Deus, foste resgatar para ser teu povo? E para fazer a ti mesmo um nome e fazer a teu povo estas grandes e tremendas coisas, para a tua terra, diante do teu povo, que tu resgataste do Egito, desterrando as nações e seus deuses?

[23]An bhfuil cine eile ar talamh mar do phobal féin, Iosrael, le Dia a chuaigh á bhfuascailt agus ag déanamh pobail leis féin díobh, ag móradh a ainm agus ag déanamh nithe éachtacha scanrúla ar a son, ag díbirt ciníocha agus déithe roimh a phobal?

[24] Estabeleceste teu povo Israel por teu povo para sempre e tu, ó SENHOR, te fizeste o seu Deus.

[24]De do phobal Iosrael rinne tú do phobal daingean féin go deo, agus is tusa, a Thiarna, atá ina Dhia acu feasta.

[25] Agora, pois, ó SENHOR Deus, quanto a esta palavra que disseste acerca de teu servo e acerca da sua casa, confirma-a para sempre e faze como falaste.

[25]Anois, a Thiarna Dia, coinnigh i gcónaí an gealltanas a thug tú do do shearbhónta agus dá theaghlach, agus déan mar a dúirt tú.

[26] Seja para sempre engrandecido o teu nome, e diga-se: O SENHOR dos Exércitos é Deus sobre Israel; e a casa de Davi, teu servo, será estabelecida diante de ti.

[26]Beidh d'ainm in ardchéim go deo agus déarfaidh daoine: 'Tá Tiarna na Slua ina Dhia ar Iosrael.' Déanfar teaghlach do shearbhónta Dáiví daingean i do láthair,

[27] Pois tu, ó SENHOR dos Exércitos, Deus de Israel, fizeste ao teu servo esta revelação, dizendo: Edificar-te-ei casa. Por isso, o teu servo se animou para fazer-te esta oração.

[27]ós tusa, Tiarna na Slua, Dia Iosrael, a d'fhoilsigh seo do do shearbhónta á rá: 'Tógfaidh mé teaghlach duit'; dá bhrí sin tá sé de mhisneach ag do sheirbhíseach an phaidir seo a chur suas chugat.

[28] Agora, pois, ó SENHOR Deus, tu mesmo és Deus, e as tuas palavras são verdade, e tens prometido a teu servo este bem.

[28]Sea, a Thiarna Dia, is tusa Dia go deimhin, is fíor iad do bhriathra agus thug tú an gealltanas breá seo do do shearbhónta.

[29] Sê, pois, agora, servido de abençoar a casa do teu servo, a fim de permanecer para sempre diante de ti, pois tu, ó SENHOR Deus, o disseste; e, com a tua bênção, será, para sempre, bendita a casa do teu servo.

[29]Deonaigh, mar sin, teaghlach do shearbhónta a bheannú, ionas go mairfidh sé go deo i do láthair, óir is tusa a labhair, a Thiarna Dia, agus le do bheannachtsa beidh teaghlach do shearbhónta beannaithe go deo."

2 Samuel 8

2 Samúéil 8

Diversas vitórias de Davi
1 Crônicas 18.1-13

[1] Depois disto, feriu Davi os filisteus e os sujeitou; e tomou de suas mãos as rédeas da metrópole.

[2] Também derrotou os moabitas; fê-los deitar em terra e os mediu: duas vezes um cordel, para os matar; uma vez um cordel, para os deixar com vida. Assim, ficaram os moabitas por servos de Davi e lhe pagavam tributo.

[3] Também Hadadezer, filho de Reobe, rei de Zobá, foi derrotado por Davi, quando aquele foi restabelecer o seu domínio sobre o rio Eufrates.

[4] Tomou-lhe Davi mil e setecentos cavaleiros e vinte mil homens de pé; Davi jarretou todos os cavalos dos carros, menos para cem deles.

[5] Vieram os siros de Damasco a socorrer Hadadezer, rei de Zobá; porém Davi matou dos siros vinte e dois mil homens.

[6] Davi pôs guarnições na Síria de Damasco, e os siros ficaram por servos de Davi e lhe pagavam tributo; e o SENHOR dava vitórias a Davi, por onde quer que ia.

[7] Tomou Davi os escudos de ouro que havia com os oficiais de Hadadezer e os trouxe a Jerusalém.

[8] Tomou mais o rei Davi mui grande quantidade de bronze de Betá e de Berotai, cidades de Hadadezer.

Cogaí

[1]Ina dhiaidh sin bhris Dáiví ar na Filistínigh agus chloígh iad, agus bhain sé [smacht ar an bpríomhchathair] de na Filistínigh.

[2]Bhris sé freisin ar na Móábaigh agus chuir d'iallach orthu luí ar an talamh agus thomhais sé iad le téad; thomhais sé fad dhá théad le cur chun báis, agus téad iomlán eile le hanacal. Thug na Móábaigh géillsine do Dháiví agus d'íoc cáin leis.

[3]Chloígh Dáiví Hadad Eizir mac Rachob rí Zóbá agus é ar an mbealach ag iarraidh a chumhacht a leathnú thar an Abhainn.

[4]Ghabh Dáiví míle seacht gcéad carbadóir agus fiche míle troitheach; ghearr Dáiví speireacha seisreacha na gcarbad, ach céad díobh.

[5]Tháinig Aramaeigh ón Damaisc i gcabhair ar Hadad Eizir rí Zóbá, ach mharaigh Dáiví dhá mhíle agus fiche de na hAramaeigh.

[6]Chuir Dáiví lucht ceannais i bhfeighil Aram na Damaisce agus ghéill na hAramaeigh go léir do Dháiví agus d'íocadar cáin le Dáiví. Thug an Tiarna an bua do Dháiví cibé áit a dtéadh sé.

[7]Thóg Dáiví na sciatha óir a bhíodh á n-iompar ag cosantóirí Hadad Eizir agus thug leis iad go Iarúsailéim.

[8]Thug Dáiví rí dlús mór cré-umha ó Bheatach agus Baerotaí, bailte le Hadad Eizir.

[9] Então, ouvindo Toí, rei de Hamate, que Davi derrotara a todo o exército de Hadadezer,

[10] mandou seu filho Jorão ao rei Davi, para o saudar e congratular-se com ele por haver pelejado contra Hadadezer e por havê-lo ferido (porque Hadadezer de contínuo fazia guerra a Toí). Jorão trouxe consigo objetos de prata, de ouro e de bronze,

[11] os quais também o rei Davi consagrou ao SENHOR, juntamente com a prata e o ouro que já havia consagrado de todas as nações que sujeitara:

[12] da Síria, de Moabe, dos filhos de Amom, dos filisteus, de Amaleque e dos despojos de Hadadezer, filho de Reobe, rei de Zobá.

[13] Ganhou Davi renome, quando, ao voltar de ferir os siros, matou dezoito mil homens no vale do Sal.

[14] Pôs guarnições em Edom, em todo o Edom pôs guarnições, e todos os edomitas ficaram por servos de Davi; e o SENHOR dava vitórias a Davi, por onde quer que ia.

Oficiais de Davi

2 Samuel 20.23-26; 1 Crônicas 18.14-17

[15] Reinou, pois, Davi sobre todo o Israel; julgava e fazia justiça a todo o seu povo.

[16] Joabe, filho de Zeruia, era comandante do exército; Josafá, filho de Ailude, era cronista.

[9]Nuair a chuala Toí rí Hamát gur bhris Dáiví ar arm Hadad Eizir go léir,

[10]chuir sé a mhac Iórám go dtí Dáiví rí chun beannú dó agus comhghairdeas a dhéanamh leis mar gur throid sé le Hadad Eizir agus gur bhuaigh sé air; ba namhaid é Hadad Eizir do Thoí. Thug Iórám leis gréithe óir agus airgid agus cré-umha.

[11]Rinne Dáiví rí iad seo go léir a choisreacan don Tiarna mar a bhí déanta aige leis an airgead agus leis an ór a bhí faighte aige ó na náisiúin go léir a bhí curtha faoi chois aige -

[12]Eadóm, Móáb, na hAmónaigh, na Filistínigh, Amáiléic - agus ó Hadad Eizir mac Rachob, rí Zóbá.

[13]Bhain Dáiví cáil amach dó féin ar an gcuma sin. Ar fhilleadh dó, chloígh sé na hEadómaigh, ocht míle déag díobh, i nGleann an tSalainn.

[14]Chuir sé lucht ceannais i bhfeighil Eadóm (chuir sé lucht ceannais i bhfeighil Eadóm ar fad). Tháinig na hEadómaigh go léir faoi smacht Dháiví. Thug an Tiarna an bua do Dháiví cibé áit a ndeachaigh sé.

[15]Bhí Dáiví i réim os cionn Iosrael ar fad. Bhí Dáiví ag riar dlí agus cirt ar a phobal go léir.

[16]Bhí Ióáb mac Zarúá i gceannas an airm agus Iahóiseáfat mac Aichíliúd ina sheanchaí.

[17] Zadoque, filho de Aitube, e Aimeleque, filho de Abiatar, eram sacerdotes, e Seraías, escrivão.
[18] E Benaia, filho de Joiada, era o comandante da guarda real. Os filhos de Davi, porém, eram seus ministros.

2 Samuel 9

A bondade de Davi para com o filho de Jônatas

[1] Disse Davi: Resta ainda, porventura, alguém da casa de Saul, para que use eu de bondade para com ele, por amor de Jônatas?
[2] Havia um servo na casa de Saul cujo nome era Ziba; chamaram-no que viesse a Davi. Perguntou-lhe o rei: És tu Ziba? Respondeu: Eu mesmo, teu servo.
[3] Disse-lhe o rei: Não há ainda alguém da casa de Saul para que use eu da bondade de Deus para com ele? Então, Ziba respondeu ao rei: Ainda há um filho de Jônatas, aleijado de ambos os pés.
[4] E onde está? Perguntou-lhe o rei. Ziba lhe respondeu: Está na casa de Maquir, filho de Amiel, em Lo-Debar.
[5] Então, mandou o rei Davi trazê-lo de Lo-Debar, da casa de Maquir, filho de Amiel.
[6] Vindo Mefibosete, filho de Jônatas, filho de Saul, a Davi, inclinou-se, prostrando-se com o rosto em terra. Disse-lhe Davi: Mefibosete! Ele disse: Eis aqui teu servo!
[7] Então, lhe disse Davi: Não temas, porque usarei de bondade para contigo, por amor de Jônatas, teu pai, e te restituirei todas as terras de Saul, teu pai, e tu comerás pão sempre à minha mesa.

[17]Bhí Zádóc mac Aichítiúb agus Aichímeilic mac Aibíátár ina sagairt; bhí Saráiá ina rúnaí.
[18]Bhí Banáiá mac Iahóideá i gceannas na gCeiréiteach agus na bPeiléiteach. Bhí clann mhac Dháiví ina sagairt.

2 Samúéil 9

Meirí Bál

[1]D'fhiafraigh Dáiví: "An bhfuil aon duine fágtha de theaghlach Shóil i dtreo gurbh fhéidir dom bheith cineálta leis ar son Iónátán?"
[2]Bhí searbhónta de theaghlach Shóil, darbh ainm Zíbeá, agus ghlaodar air chuig Dáiví: "An tú Zíbeá?" arsan rí leis. "Faoi do réir," ar sé.
[3]Dúirt an rí: "Nach bhfuil duine éigin de theaghlach Shóil fágtha le go dtaispeánfainn cineáltas Dé dó?" D'fhreagair Zíbeá an rí: "Tá mac le Iónátán, duine a bhfuil cosa bacacha faoi."
[4]Dúirt an rí leis: "Cá bhfuil sé?" Dúirt Zíbeá leis an rí: "Tá cónaí air i dteach Mhácaír mac Aimíéil i Ló Dabár."
[5]Chuir Dáiví rí fios air agus thug é ó theach Mhácaír mhic Aimíéil i Ló Dabár.
[6]Ar theacht i láthair Dháiví dó, chaith Meirí Bál mac Iónátán mhic Shóil é féin ar a bhéal agus thug ómós dó. "Meirí Bál!" arsa Dáiví. "Táim faoi do réir," ar sé.

[7]Dúirt Dáiví leis: "Ná bíodh eagla ort; taispeánfaidh mise cineáltas duit ar son d'athar Iónátán agus déanfaidh mé fearann uile d'athar, Sól, a thabhairt ar ais

duit agus íosfaidh tú i gcónaí ag mo bhord.”

[8] Então, se inclinou e disse: Quem é teu servo, para teres olhado para um cão morto tal como eu?

[8]Thug Meirí Bál ómós dó: “Céard é do shearbhónta,” ar sé, “a rá go mbeadh do ghnaoi ar mhadra marbh mar mise.”

[9] Chamou Davi a Ziba, servo de Saul, e lhe disse: Tudo o que pertencia a Saul e toda a sua casa dei ao filho de teu senhor.

[9]Ghlaoigh an rí ansin ar Zíbeá, searbhónta Shóil, agus dúirt leis: “Thug mé do mhac do mháistir gach ar bhain le Sól agus lena theaghlach go léir.

[10] Trabalhar-lhe-ás, pois, a terra, tu, e teus filhos, e teus servos, e recolherás os frutos, para que a casa de teu senhor tenha pão que coma; porém Mefibosete, filho de teu senhor, comerá pão sempre à minha mesa. Tinha Ziba quinze filhos e vinte servos.

[10]Ní foláir duitse an talamh a shaothrú dó, thú féin agus do chlann mhac agus do dhaoráin; ní foláir duitse an fómhar a bhaint chun bia a sholáthar do chlann do mháistir. Ach Meirí Bál, mac do mháistir, beidh a bhéilí i gcónaí aige ag bord liom féin.” Bhí cúigear mac déag ag Zíbeá agus fiche daorán.

[11] Disse Ziba ao rei: Segundo tudo quanto meu senhor, o rei, manda a seu servo, assim o fará. Comeu, pois, Mefibosete à mesa de Davi, como um dos filhos do rei.

[11]Dúirt Zíbeá leis an rí: “Déanfaidh do shearbhónta gach ar ordaigh mo thiarna an rí dá shearbhónta.” Bhíodh Meirí Bál dá bhrí sin ag suí chun boird le Dáiví, mar dhuine de chlann mhac an rí.

[12] Tinha Mefibosete um filho pequeno, cujo nome era Mica. Todos quantos moravam em casa de Ziba eram servos de Mefibosete.

[12]Bhí mac óg ag Meirí Bál darbh ainm Míceá. Rinne searbhóntaí do Mheirí Bál de gach duine a raibh cónaí air i dteach Zíbeá.

[13] Morava Mefibosete em Jerusalém, porquanto comia sempre à mesa do rei. Ele era coxo de ambos os pés.

[13]Bhí cónaí ar Mheirí Bál i Iarúsailéim mar shuíodh sé i gcónaí ag bord an rí. Bhí dhá chois bhacacha faoi.

2 Samuel 10

Davi derrota os amonitas e os siros

1 Crônicas 19.1-19

[1] Depois disto, morreu o rei dos filhos de Amom, e seu filho Hanum reinou em seu lugar.

2 Samúéil 10

Cogadh le hAmónaigh

[1]Fuair rí na nAmónach bás ina dhiaidh sin, agus tháinig Hánún a mhac i gcoróin ina dhiaidh.

[2] Então, disse Davi: Usarei de bondade para com Hanum, filho de Naás, como seu pai usou de bondade para comigo. E enviou Davi servos seus para o consolar acerca de seu pai; e vieram os servos de Davi à terra dos filhos de Amom.

[3] Mas os príncipes dos filhos de Amom disseram a seu senhor, Hanum: Pensas que, por Davi te haver mandado consoladores, está honrando a teu pai? Porventura, não te enviou ele os seus servos para reconhecerem a cidade, espiá-la e destruí-la?

[4] Tomou, então, Hanum os servos de Davi, e lhes rapou metade da barba, e lhes cortou metade das vestes até às nádegas, e os despediu.

[5] Sabedor disso, enviou Davi mensageiros a encontrá-los, porque estavam sobremaneira envergonhados. Mandou o rei dizer-lhes: Deixai-vos estar em Jericó, até que vos torne a crescer a barba; e, então, vinde.

[6] Vendo, pois, os filhos de Amom que se haviam tornado odiosos a Davi, mandaram mensageiros tomar a soldo vinte mil homens de pé dos siros de Bete-Reobe e dos siros de Zobá, mil homens do rei de Maaca e doze mil de Tobe.

[7] O que ouvindo Davi, enviou contra eles a Joabe com todo o exército dos valentes.

[2]Dúirt Dáiví leis féin: “Beidh mé chomh dílis céanna do Hánún mac Nácháis agus a bhí a athair domsa.” Chuir Dáiví a sheirbhísigh chuige le teachtaireacht chomhbhróin faoi bhás a athar. Ach nuair a ghabh seirbhísigh Dháiví isteach i dtír na nAmónach,

[3]dúirt na taoisigh Amónacha le Hánún a máistir: “An dóigh leat gur d'fhonn onóir a thabhairt do d'athair atá teachtairí comhbhróin á gcur ag Dáiví chugat? A mhalairt, nach bhfuil a sheirbhísigh curtha ag Dáiví chugat chun an chathair a bhrath, a spíonadh agus a scrios?”

[4]Ghabh Hánún seirbhísigh Dháiví dá bhrí sin, bhearr an fhéasóg de gach duine díobh, ghearr a gcuid éadaigh díobh leath slí suas chun a más, agus chuir chun siúil iad.

[5]Nuair a insíodh an scéal do Dháiví, chuir sé teachtaire ina gcoinne, mar go raibh náire shaolta ar na fir. “Fanaigí in Ireachó,” arsan rí, “go bhfása bhur bhféasóg aris, agus tagaigí ar ais ansin.”

[6]Nuair a chonaic na hAmónaigh go raibh an ghráin tagtha ar Dháiví leo, chuireadar teachtairí le hAramaeigh Bhéit Rachob agus Aramaeigh Zóbá, fiche míle troitheach, a fhostú; agus rí Mhácá le míle fear, agus muintir Thób, dhá mhíle dhéag fear.

[7]Nuair a chuala Dáiví é sin sheol sé amach Ióáb leis na saighdiúirí singile agus leis na curaidh.

[8] Saíram os filhos de Amom e ordenaram a batalha à entrada da porta, e os siros de Zobá e Reobe e os homens de Tobe e Maaca estavam à parte no campo.

[9] Vendo, pois, Joabe que estava preparada contra ele a batalha, tanto pela frente como pela retaguarda, escolheu dentre todos o que havia de melhor em Israel e os formou em linha contra os siros;

[10] e o resto do povo, entregou-o a Abisai, seu irmão, o qual o formou em linha contra os filhos de Amom.

[11] Disse Joabe: Se os siros forem mais fortes do que eu, tu me virás em socorro; e, se os filhos de Amom forem mais fortes do que tu, eu irei ao teu socorro.

[12] Sê forte, pois; pelejemos varonilmente pelo nosso povo e pelas cidades de nosso Deus; e faça o SENHOR o que bem lhe parecer.

[13] Então, avançou Joabe com o povo que estava com ele, e travaram peleja contra os siros; e estes fugiram de diante deles.

[14] Vendo os filhos de Amom que os siros fugiam, também eles fugiram de diante de Abisai e entraram na cidade; voltou Joabe dos filhos de Amom e tornou a Jerusalém.

[15] Vendo, pois, os siros que tinham sido desbaratados diante de Israel, tornaram a refazer-se.

[16] E Hadadezer fez sair os siros que estavam do outro lado do rio, e vieram a

[8]Mháirseáil na hAmónaigh amach agus chuadar in eagar catha ag béal an gheata, ach d'fhan Aramaeigh Zóbá agus Rachob, muintir Thób agus Mhácá, leo féin sa mhachaire.

[9]Nuair a chonaic Ióáb go raibh an cath le cur ar a bhéala agus ar a chúla, thogh sé cuid de rogha na nIosraelach agus chóirigh iad in aghaidh na nAramaech.

[10]Chuir sé an chuid eile den arm faoi cheannas a dhearthár Aibísí, agus chóirigh iad in aghaidh na nAmónach.

[11]Má bhíonn na hAramaeigh róthréan domsa, cabhraighse liom," ar sé, "ach má bhíonn na hAmónaigh rothréan duitse, rachaidh mé i gcabhair ortsa.

[12]Bíodh misneach agat agus seas an fód ar son ár bpobail agus cathracha ár nDé. Go ndéana an Tiarna mar is rogha leis."

[13]Chuaigh Ióáb agus an mhuintir a bhí in éineacht leis i ngleic leis na hAramaeigh ach theitheadarsan uaidh.

[14]Nuair a chonaic na hAmónaigh gur theith na hAramaeigh theitheadar féin mar an gcéanna ó Aibísí agus isteach leo sa chathair. D'fhill Ióáb ansin ón gcogadh in aghaidh na nAmónach agus tháinig ar ais go Iarúsailéim.

[15]Ar fheiceáil do na hAramaeigh gur bhris Iosrael orthu, chruinníodar go léir le chéile.

[16]Chuir Hadad Eizir teachtairí go dtí na hAramaeigh a bhí taobh thall den Abhainn

Helã; Sobaque, chefe do exército de Hadadezer, marchava adiante deles.

[17] Informado Davi, ajuntou a todo o Israel, passou o Jordão e foi a Helã; os siros se puseram em ordem de batalha contra Davi e pelejaram contra ele.

[18] Porém os siros fugiram de diante de Israel, e Davi matou dentre os siros os homens de setecentos carros e quarenta mil homens de cavalo; também feriu a Sobaque, chefe do exército, de tal sorte que morreu ali.

[19] Vendo, pois, todos os reis, servos de Hadadezer, que foram vencidos, fizeram paz com Israel e o serviram; e temeram os siros de ainda socorrer aos filhos de Amom.

2 Samuel 11

Davi comete adultério com Bate-Seba

[1] Decorrido um ano, no tempo em que os reis costumam sair para a guerra, enviou Davi a Joabe, e seus servos, com ele, e a todo o Israel, que destruíram os filhos de Amom e sitiaram Rabá; porém Davi ficou em Jerusalém.

[2] Uma tarde, levantou-se Davi do seu leito e andava passeando no terraço da casa real; daí viu uma mulher que estava tomando banho; era ela mui formosa.

agus bhailigh chuige iad. Thángadar go Haelám agus Seobác ceann feadhna arm Hadad Eizir a dtreorú.

[17]Nuair a d'insíodar é sin do Dháiví, chruinnigh sé Iosrael go léir le chéile, agus ghabh thar an Iordáin agus tháinig go Haelám. Chuir na hAramaeigh cóiriú catha orthu féin in aghaidh Dháiví agus chuaigh i ngleic leis.

[18]Theith na hAramaeigh ó Iosrael, agus mharaigh Dáiví seacht gcéad dá bhfoirne carbaid agus daichead míle marcach; threascair sé Seobác a gceann feadhna freisin agus fuair sé bás ar an toirt.

[19]Nuair a chonaic na ríthe go léir a thug géillsine do Hadad Eizir go raibh buaite orthu ag Iosrael, rinneadar síocháin le hIosrael, agus ghéilleadar dóibh. B'eagal leis na hAramaeigh cabhrú leis na hAmónaigh a thuilleadh.

2 Samúéil 11

Peaca Dháiví

[1]Ar theacht na bliana úire, an t-am is gnách le ríthe dul ag cogaíocht, chuir Dáiví Ióáb amach agus a sheirbhísigh féin agus pobal Iosrael ar fad in éineacht leis. Rinne siad ár ar na hAmónaigh agus chuir siad Rábá faoi léigear. Ach d'fhan Dáiví in Iarúsailéim.

[2]Ardtráthnóna agus Dáiví ag spaisteoireacht ar dhíon an pháláis tar éis éirí óna leaba dó, tharla go bhfaca sé ón díon bean a bhí á folcadh féin. Bhí an bhean an-dathúil.

[3] Davi mandou perguntar quem era. Disseram-lhe: É Bate-Seba, filha de Eliã e mulher de Urias, o heteu.

[4] Então, enviou Davi mensageiros que a trouxessem; ela veio, e ele se deitou com ela. Tendo-se ela purificado da sua imundícia, voltou para sua casa.

[5] A mulher concebeu e mandou dizer a Davi: Estou grávida.

Davi e Urias

[6] Então, enviou Davi mensageiros a Joabe, dizendo: Manda-me Urias, o heteu. Joabe enviou Urias a Davi.

[7] Vindo, pois, Urias a Davi, perguntou este como passava Joabe, como se achava o povo e como ia a guerra.

[8] Depois, disse Davi a Urias: Desce a tua casa e lava os pés. Saindo Urias da casa real, logo se lhe seguiu um presente do rei.

[9] Porém Urias se deitou à porta da casa real, com todos os servos do seu senhor, e não desceu para sua casa.

[10] Fizeram-no saber a Davi, dizendo: Urias não desceu a sua casa. Então, disse Davi a Urias: Não vens tu de uma jornada? Por que não desceste a tua casa?

[11] Respondeu Urias a Davi: A arca, Israel e Judá ficam em tendas; Joabe, meu senhor, e os servos de meu senhor estão acampados ao ar livre; e hei de eu entrar na minha casa, para comer e beber e para me deitar com minha mulher? Tão certo

[3]Chuir Dáiví tuairisc na mná seo agus dúradh leis: “Ar ndóigh sin í Baitseaba, iníon Eilíám, bean Úiríá an Hiteach.”

[4]Ansin sheol Dáiví teachtairí amach lena tabhairt chuige. Tháinig sí chuige agus luigh sé léi; bhí a fuil mhíosta tagtha agus í díreach tar éis í féin a ghlanadh. D'imigh sí abhaile arís ansin.

[5]Ghabh an bhean gin agus chuir sí scéala chuig Dáiví: “Tá mé ag iompar clainne.”

[6]Ansin chuir Dáiví teachtaireacht ag triall ar Ioáb. “Seol Úiríá an Hiteach chugam.” Sheol Ioáb Úiríá chuig Dáiví láithreach.

[7]Nuair a tháinig Úiríá ina láthair chuir Dáiví tuairisc Ioáb agus an airm agus chúrsaí an chogaidh air.

[8]Ansin dúirt Dáiví le hÚiriá: “Gabh síos chun do thí agus bíodh spraoi agat.” D'fhág Úiríá an pálás agus cuireadh bronntanas ón rí ina dhiaidh.

[9]Ach chodail Úiríá lasmuigh de dhoras an pháláis le garda cosanta a mháistir; ní dheachaigh sé síos chun a thí féin.

[10]Tugadh an scéala seo chuig Dáiví: “Ní dheachaigh Úiríá síos chun a thí féin,” a dúirt siad leis. Chuir Dáiví ceist ar Úiríá: “Nach bhfuil aistear fada curtha díot agat? Cén fáth nach ndeachaigh tú síos chun do thí?”

[11]Dúirt Úiríá le Dáiví: “Nach bhfuil an áirc agus Iosrael agus Iúdá ina gcónaí i mbothanna? Agus tá mo thiarna Ioáb agus seirbhísigh mo thiarna ag cur fúthu sa mhachaire; an bhfuilimse le dul go dtí mo theach, más ea, le bia agus deoch a

como tu vives e como vive a tua alma, não farei tal coisa.

chaitheamh agus le luí le mo bhean? Dar do bheo féin agus dar d'anam beo, ní dhéanfaidh mé a leithéid.”

[12] Então, disse Davi a Urias: Demora-te aqui ainda hoje, e amanhã te despedirei. Urias, pois, ficou em Jerusalém aquele dia e o seguinte.

[12]Dúirt Dáiví ansin le hÚiríá: “Fan anseo inniu chomh maith, agus amárach ligfidh mé chun siúil thú.” D'fhan Úiríá in Iarúsailéim dá bhrí sin, an lá sin, agus lá arna mhárach.

[13] Davi o convidou, e comeu e bebeu diante dele, e o embebedou; à tarde, saiu Urias a deitar-se na sua cama, com os servos de seu senhor; porém não desceu a sua casa.

[13]Lá arna mhárach thug Dáiví cuireadh do bheith ag ithe agus ag ól ina chuideachta agus chuir sé ar meisce é. Nuair a tháinig an tráthnóna chuaigh Úiríá amach agus luigh sé ar a thocht in éineacht le garda cosanta a mháistir; ach ní dheachaigh sé síos chun a thí féin.

A morte de Urias

[14] Pela manhã, Davi escreveu uma carta a Joabe e lha mandou por mão de Urias.

[14]An mhaidin ina dhiaidh sin scríobh Dáiví litir chuig Ióáb agus sheol sé le hÚiríá í. Is é a scríobh sa litir:

[15] Escreveu na carta, dizendo: Ponde Urias na frente da maior força da peleja; e deixai-o sozinho, para que seja ferido e morra.

[15]“Cuir Úiríá i bhfíorthosach an chruachatha, agus ansin tarraingigí féin siar ar a chúl, ionas go ndéanfar é a threascairt agus a mharú.”

[16] Tendo, pois, Joabe sitiado a cidade, pôs a Urias no lugar onde sabia que estavam homens valentes.

[16]Bhí an chathair faoi léigear ag Ióáb, agus chuir sé Úiríá in ionad arbh eol do na fir throda a bheith go fíochmhar.

[17] Saindo os homens da cidade e pelejando com Joabe, caíram alguns do povo, dos servos de Davi; e morreu também Urias, o heteu.

[17]Thug muintir na cathrach rúid amach agus rinne ionsaí ar Ióáb; maraíodh cuid den arm agus cuid de sheirbhísigh Dháiví ina measc; agus maraíodh Úiríá an Hiteach i gcuideachta na cuideachta.

[18] Então, Joabe enviou notícias e fez saber a Davi tudo o que se dera na batalha.

[18]Chuir Ióáb tuairisc iomlán ar an gcath go dtí Dáiví.

[19] Deu ordem ao mensageiro, dizendo: Se, ao terminares de contar ao rei os acontecimentos desta peleja,

[19]Thug sé an treoir seo don teachtaire: “Nuair a bheidh scéal an chatha ar fad inste agat don rí,

[20] suceder que ele se encolerize e te diga: Por que vos chegastes assim perto da cidade a pelejar? Não sabíeis vós que haviam de atirar do muro?

[21] Quem feriu a Abimeleque, filho de Jerubesete? Não lançou uma mulher sobre ele, do muro, um pedaço de mó corredora, de que morreu em Tebes? Por que vos chegastes ao muro? Então, dirás: Também morreu teu servo Urias, o heteu.

[22] Partiu o mensageiro e, chegando, fez saber a Davi tudo o que Joabe lhe havia mandado dizer.

[23] Disse o mensageiro a Davi: Na verdade, aqueles homens foram mais poderosos do que nós e saíram contra nós ao campo; porém nós fomos contra eles, até à entrada da porta.

[24] Então, os flecheiros, do alto do muro, atiraram contra os teus servos, e morreram alguns dos servos do rei; e também morreu o teu servo Urias, o heteu.

[25] Disse Davi ao mensageiro: Assim dirás a Joabe: Não pareça isto mal aos teus olhos, pois a espada devora tanto este como aquele; intensifica a tua peleja contra a cidade e derrota-a; e, tu, anima a Joabe.

Davi casa com Bate-Seba

[26] Ouvindo, pois, a mulher de Urias que seu marido era morto, ela o pranteou.

[27] Passado o luto, Davi mandou buscá-la e a trouxe para o palácio; tornou-se ela sua

[20]má thagann fearg ar an rí, agus go ndeir sé leat: 'Cén fáth a ndeachaigh sibh chomh cóngarach don chathair ag cur an chatha? Nach raibh a fhios agaibh go gcaithfidís libh ó na ballaí?

[21]Cé mharaigh Aibímeilic mac Iarubál? Nach ann a chaith bean bró mhuilinn anuas air ó na ballaí agus a mharaigh é i dTéibéiz? Cén fáth a ndeachaigh sibh chomh cóngarach do na ballaí? ' abairse ansin: 'Tá do shearbhónta Úiríá an Hiteach marbh chomh maith.' "

[22]D'imigh an teachtaire leis, agus ar theacht dó, d'inis sé do Dháiví gach a raibh ordaithe ag Ióáb dó a rá.

[23]Dúirt an teachtaire le Dáiví: "Fuair a gcuid fear buntáiste orainn agus thángadar amach inár gcoinne ar an bpáirc, ach thiomáineamar ar gcúl iad go dtí béal an gheata.

[24]Ach ansin chrom na saighdiúirí ar chaitheamh le do sheirbhísigh ó na ballaí; cailleadh cuid de sheirbhísigh an rí, agus tá do shearbhónta Úiríá an Hiteach marbh freisin."

[25]Dúirt Dáiví leis an teachtaire: "Abair é seo le Ióáb: 'Ná cuireadh an gnó seo buairt ar do chroí, óir slogann an claíomh fear uair, agus fear eile uair eile. Tabhair ruathar níos treise faoin gcathair agus scrios í.' Tabhair misneach mar sin dó."

[26]Nuair a chuala bean Úiríá go raibh Úiríá a fear tar éis bháis, chaoin sí a fear.

[27]Nuair a bhí an caoineadh thart chuir Dáiví fios uirthi chun í a thabhairt chun a

mulher e lhe deu à luz um filho. Porém isto que Davi fizera foi mau aos olhos do SENHOR.

2 Samuel 12

Natã repreende a Davi

1 O SENHOR enviou Natã a Davi. Chegando Natã a Davi, disse-lhe: Havia numa cidade dois homens, um rico e outro pobre.

2 Tinha o rico ovelhas e gado em grande número;

3 mas o pobre não tinha coisa nenhuma, senão uma cordeirinha que comprara e criara, e que em sua casa crescera, junto com seus filhos; comia do seu bocado e do seu copo bebia; dormia nos seus braços, e a tinha como filha.

4 Vindo um viajante ao homem rico, não quis este tomar das suas ovelhas e do gado para dar de comer ao viajante que viera a ele; mas tomou a cordeirinha do homem pobre e a preparou para o homem que lhe havia chegado.

5 Então, o furor de Davi se acendeu sobremaneira contra aquele homem, e disse a Natã: Tão certo como vive o SENHOR, o homem que fez isso deve ser morto.

6 E pela cordeirinha restituirá quatro vezes, porque fez tal coisa e porque não se compadeceu.

7 Então, disse Natã a Davi: Tu és o homem. Assim diz o SENHOR, Deus de Israel: Eu te

thí; bhí sí mar bhean aige, agus rug mac dó. Ach níor thaitin a raibh déanta ag Dáiví leis an Tiarna.

2 Samúéil 12

Aithrí Dháiví

1Chuir an Tiarna Nátán fáidh chuig Dáiví. Tháinig sé chuige agus is é a dúirt sé: “Bhí beirt fhear san aon bhaile amháin, fear saibhir agus fear bocht.

2Bhí tréada agus táinte ag an bhfear saibhir, flúirse díobh.

3Ní raibh ag an bhfear bocht ach uan baineann, aon cheann beag amháin a cheannaigh sé. Bheathaigh sé í agus d'fhás sí suas leis féin agus lena chlann, ag ithe a chuid aráin, ag ól as a chupán, ag codladh ar a bhrollach; ba chuma nó a iníon féin leis í.

4Nuair a tháinig taistealaí ag lorg lóistín, níorbh áil leis an bhfear saibhir an strainséir a bhí tagtha chuige a chothú as a thréada agus as a tháinte féin, ach ina ionad sin rug sé ar uan an bhochtáin agus d'ullmhaigh é mar bhéile dá chuairteoir.”

5Tháinig taom feirge ar Dháiví in aghaidh an fhir: “Dar an Tiarna beo,” ar seisean le Nátán, “tá an bás tuillte ag an bhfear a rinne é sin.

6Caithfidh sé an t-uan a aisíoc faoi cheathair, as ucht a leithéid a dhéanamh agus sin gan trua gan taise.”

7Ansin dúirt Nátán le Dáiví: “is tusa an fear. Seo mar a deir an Tiarna Dia Iosrael:

ungi rei sobre Israel e eu te livrei das mãos de Saul;

[8] dei-te a casa de teu senhor e as mulheres de teu senhor em teus braços e também te dei a casa de Israel e de Judá; e, se isto fora pouco, eu teria acrescentado tais e tais coisas.

[9] Por que, pois, desprezaste a palavra do SENHOR, fazendo o que era mau perante ele? A Urias, o heteu, feriste à espada; e a sua mulher tomaste por mulher, depois de o matar com a espada dos filhos de Amom.

[10] Agora, pois, não se apartará a espada jamais da tua casa, porquanto me desprezaste e tomaste a mulher de Urias, o heteu, para ser tua mulher.

[11] Assim diz o SENHOR: Eis que da tua própria casa suscitarei o mal sobre ti, e tomarei tuas mulheres à tua própria vista, e as darei a teu próximo, o qual se deitará com elas, em plena luz deste sol.

[12] Porque tu o fizeste em oculto, mas eu farei isto perante todo o Israel e perante o sol.

[13] Então, disse Davi a Natã: Pequei contra o SENHOR. Disse Natã a Davi: Também o SENHOR te perdoou o teu pecado; não morrerás.

[14] Mas, posto que com isto deste motivo a que blasfemassem os inimigos do

‘D'ungaigh mé thú i do rí ar Iosrael, agus d'fhuascail mé thú as láimh Shóil.

[8]Thug mé teach do mháistir duit agus mná do mháistir i d'ucht duit; thug mé teaghlach Iosrael duit agus teaghlach Iúdá, agus dá mba nár leor sin, thabharfainn oiread eile duit.

[9]Cad ab áil leat ag maslú bhriathar an Tiarna, agus ag déanamh an ní is gráin leis? Threascair tú Úiríá an Hiteach leis an gclaíomh agus thóg tú a bhean chugat mar chéile agus chuir tú chun báis é le claíomh na nAmónach.

[10]Ar an ábhar sin ní bheidh an claíomh go brách i bhfad ó do theaghlach, ó léirigh tú go bhfuil drochmheas agat ormsa agus ó ghlac tú bean chéile Úiríá an Hiteach mar bhean chéile agat féin.’

[11]“Seo mar a deir an Tiarna: ‘Déanfaidh mé d'aimhleas a chothú as do theaghlach féin. Os comhair do chuid súl féin tógfaidh mé do mhná céile agus tabharfaidh mé do do chomharsa iad, agus luífidh sé le do mhná céile faoi aghaidh na gréine seo.

[12]Ghníomhaigh tusa faoi rún; gníomhóidh mise os comhair Iosrael ar fad agus faoi sholas na gréine.’ ”

[13]Dúirt Dáiví le Nátán: “Pheacaigh mé in aghaidh an Tiarna.” Ansin dúirt Nátán le Dáiví: “Chomh fada agus a bhaineann leis an Tiarna, tugann sé maithiúnas duit i do pheaca; ní chuirfear chun báis thú.

[14]Ach ó thug tú barr masla don Tiarna tríd an ngníomh seo, gheobhaidh an leanbh a ghin tú bás.”

SENHOR, também o filho que te nasceu morrerá.

[15] Então, Natã foi para sua casa.

A morte do filho de Bate-Seba

E o SENHOR feriu a criança que a mulher de Urias dera à luz a Davi; e a criança adoeceu gravemente.

[16] Buscou Davi a Deus pela criança; jejuou Davi e, vindo, passou a noite prostrado em terra.

[17] Então, os anciãos da sua casa se achegaram a ele, para o levantar da terra; porém ele não quis e não comeu com eles.

[18] Ao sétimo dia, morreu a criança; e temiam os servos de Davi informá-lo de que a criança era morta, porque diziam: Eis que, estando a criança ainda viva, lhe falávamos, porém não dava ouvidos à nossa voz; como, pois, lhe diremos que a criança é morta? Porque mais se afligirá.

[19] Viu, porém, Davi que seus servos cochichavam uns com os outros e entendeu que a criança era morta, pelo que disse aos seus servos: É morta a criança? Eles responderam: Morreu.

[20] Então, Davi se levantou da terra; lavou-se, ungiu-se, mudou de vestes, entrou na Casa do SENHOR e adorou; depois, veio para sua casa e pediu pão; puseram-no diante dele, e ele comeu.

[15]Ansin chuaigh Nátán abhaile.

Breith Sholaimh

Leag an Tiarna a lámh ar an leanbh a rug bean chéile Úiríá do Dháiví agus tháinig tinneas trom air.

[16]Rinne Dáiví achainí chun Dé ar son an linbh; rinne sé troscadh dian; chuaigh sé isteach abhaile agus chaith an oíche ar an talamh lom.

[17]Tháinig oifigigh a theaghlaigh agus sheas siad thart timpeall air; d'iarradar air éirí ón talamh, ach dhiúltaigh sé agus ní ghlacfadh sé bia ar bith leo.

[18]Ar an seachtú lá, fuair an leanbh bás. Bhí eagla ar fheidhmeannaigh Dháiví a insint dó go raibh an leanbh marbh. “Fad a bhí an leanbh beo,” ar siad, “bhímis ag áiteamh leis, ach ní éistfeadh sé linn. Conas, más ea, a d'fhéadfaimis a rá leis go bhfuil an leanbh marbh? B'fhéidir go ndéanfadh sé díobháil éigin dó féin.”

[19]Ach thug Dáiví faoi deara go raibh a fheidhmeannaigh ag cogarnaíl le chéile agus thuig sé go raibh an leanbh marbh. “An bhfuil an leanbh marbh?” arsa Dáiví leis na feidhmeannaigh. D'fhreagair siad: “Tá. Tá sé marbh.”

[20]D'éirigh Dáiví ón urlár, nigh agus d'ungaigh é féin, agus chuir malairt éadaigh air féin. Ansin chuaigh sé isteach i dteach an Tiarna agus rinne adhradh. Ar fhilleadh chun a thí dó, d'iarr sé bia, leagadh os a chomhair é agus chaith sé é.

[21] Disseram-lhe seus servos: Que é isto que fizeste? Pela criança viva jejuaste e choraste; porém, depois que ela morreu, te levantaste e comeste pão.

[22] Respondeu ele: Vivendo ainda a criança, jejuei e chorei, porque dizia: Quem sabe se o SENHOR se compadecerá de mim, e continuará viva a criança?

[23] Porém, agora que é morta, por que jejuaria eu? Poderei eu fazê-la voltar? Eu irei a ela, porém ela não voltará para mim.

[24] Então, Davi veio a Bate-Seba, consolou-a e se deitou com ela; teve ela um filho a quem Davi deu o nome de Salomão; e o SENHOR o amou.

[25] Davi o entregou nas mãos do profeta Natã, e este lhe chamou Jedidias, por amor do SENHOR.

Davi conquista Rabá

1 Crônicas 20.1-3

[26] Entretanto, pelejou Joabe contra Rabá, dos filhos de Amom, e tomou a cidade real.

[27] Então, mandou Joabe mensageiros a Davi e disse: Pelejei contra Rabá e tomei a cidade das águas.

[28] Ajunta, pois, agora o resto do povo, e cerca a cidade, e toma-a, para não suceder que, tomando-a eu, se aclame sobre ela o meu nome.

[21]Dúirt a fheidhmeannaigh leis: “Cad ina thaobh go bhfuil seo á dhéanamh agat? Fad a mhair do leanbh, bhí tú ag troscadh agus ag caoineadh, ach nuair a fuair an leanbh bás, d'éirigh tú agus chaith tú bia.”

[22]“Fad a mhair an leanbh,” d'fhreagair sé, “rinne mé troscadh agus caoineadh mar go raibh mé á rá liom féin: ‘Cá bhfios nach mbeadh trua ag an Tiarna dom agus go mairfeadh mo leanbh.’

[23]Ach anois, ó tá sé marbh, cén fáth a ndéanfainn troscadh? An féidir liom é a thabhairt ar ais arís? Rachaidh mise chuige, ach ní féidir dósan teacht ar ais chugamsa.”

[24]Chrom Dáiví ar shólás a thabhairt dá bhean Baitseaba, agus chuaigh isteach chuici agus luigh léi. Ghabh sí gin, agus rug sí mac ar ar thug sí Solamh. Bhí grá ag an Tiarna dó,

[25]agus d'inis sé é sin trí bhéal Nátán fáidh. Thug sé dá bhrí sin Muirnín an Tiarna air de bharr an Tiarna.

Gabháil Rabá

[26]Chuir Ióáb cath ar Rabá na nAmónach agus ghabh sé [daingean an uisce].

[27]Ansin chuir Ióáb teachtairí go Dáiví agus dúirt: “Rinne mé ruathar ar Rabá agus ghabh mé daingean an uisce.

[28]Cruinnigh an chuid eile den arm, más ea, suigh do champa i gcoinne na cathrach, agus tóg í d'fhonn nach ngabhfainnse an chathair agus m'ainm féin a thabhairt uirthi.”

[29] Reuniu, pois, Davi a todo o povo, e marchou para Rabá, e pelejou contra ela, e a tomou.

[30] Tirou a coroa da cabeça do seu rei; o peso da coroa era de um talento de ouro, e havia nela pedras preciosas, e foi posta na cabeça de Davi; e da cidade levou mui grande despojo.

[31] Trazendo o povo que havia nela, fê-lo passar a serras, e a picaretas, e a machados de ferro, e em fornos de tijolos; e assim fez a todas as cidades dos filhos de Amom. Voltou Davi com todo o povo para Jerusalém.

[29]Chruinnigh Dáiví an pobal go léir le chéile agus chuaigh go Rabá, agus throid ina coinne agus ghabh í.

[30]Ansin bhain sé an choróin de cheann a rí; bhí tallann óir de mheáchan inti; bhí cloch luachmhar suite inti agus cuireadh ar cheann Dháiví í. Thug sé leis creach mhór amach as an gcathair.

[31]Thug sé leis lucht na cathrach agus chuir sé ag obair iad le sábha, le piocóidí agus tuanna iarainn, agus bhain sé feidhm astu ag déanamh brící. Thug sé an cor céanna ar chathracha uile na nAmónach. Ansin d'fhill Dáiví agus an t-arm ar fad go Iarúsailéim.

2 Samuel 13

O incesto de Amnom

[1] Tinha Absalão, filho de Davi, uma formosa irmã, cujo nome era Tamar. Amnom, filho de Davi, se enamorou dela.

[2] Angustiou-se Amnom por Tamar, sua irmã, a ponto de adoecer, pois, sendo ela virgem, parecia-lhe impossível fazer-lhe coisa alguma.

[3] Tinha, porém, Amnom um amigo cujo nome era Jonadabe, filho de Siméia, irmão de Davi; Jonadabe era homem mui sagaz.

[4] E ele lhe disse: Por que tanto emagreces de dia para dia, ó filho do rei? Não mo dirás? Então, lhe disse Amnom: Amo Tamar, irmã de Absalão, meu irmão.

2 Samúéil 13

Éigníonn Amnón Támár

[1]Mar seo a bhí ina dhiaidh sin. Bhí deirfiúr álainn ag Aibseálóm mac Dháiví darbh ainm Támár. Thit Amnón mac Dháiví i ngrá léi.

[2]Bhí Amnón chomh cráite faoina dheirfiúr Támár gur éirigh sé tinn; ba mhaighdean í agus shíl Amnón nárbh fhéidir dó aon ní a dhéanamh léi.

[3]Ach bhí cara ag Amnón, darbh ainm Iónádáb, mac Shimeá, deartháir Dháiví. Fear an-chliste a ba ea Iónádáb.

[4]“A mhic an rí,” ar sé leis, “cén fáth a mbíonn tú caite maidin i ndiaidh na maidine? Nach n-inseoidh tú dom?” Dúirt Amnón leis: “Táim i ngrá le Támár, deirfiúr Aibseálóm, mo dheartháir.”

[5] Disse-lhe Jonadabe: Deita-te na tua cama e finge-te doente; quando teu pai vier visitar-te, dize-lhe: Peço-te que minha irmã Tamar venha e me dê de comer pão, pois, vendo-a eu preparar-me a comida, comerei de sua mão.

[5]Dúirt Iónádáb leis: “Luigh síos ar do leaba agus lig ort go bhfuil tú tinn. Nuair a thiocfaidh d'athair ar cuairt chugat abair: ‘Tagadh mo dheirfiúr Támár agus tugadh sí rud éigin le hithe dom, déanadh sí an bia a ullmhú os comhair mo shúl le go bhfeicfinn é, agus go n-íosfainn é as a láimh.’ ”

[6] Deitou-se, pois, Amnom e fingiu-se doente; vindo o rei visitá-lo, Amnom lhe disse: Peço-te que minha irmã Tamar venha e prepare dois bolos à minha presença, para que eu coma de sua mão.

[6]Luigh Amnón síos dá bhrí sin agus lig sé air a bheith tinn. Nuair a tháinig an rí ar a thuairisc, dúirt Amnón leis an rí: “Tagadh mo dheirfiúr Támár agus déanadh sí cáca nó dhó os mo chomhair le go n-íosfainn as a láimh.”

[7] Então, Davi mandou dizer a Tamar em sua casa: Vai à casa de Amnom, teu irmão, e faze-lhe comida.

[7]Chuir Dáiví teachtaireacht go Támár: “Téigh go teach do dhearthár Amnón, agus ullmhaigh bia dó.”

[8] Foi Tamar à casa de Amnom, seu irmão, e ele estava deitado. Tomou ela a massa e a amassou, fez bolos diante dele e os cozeu.

[8]Chuaigh Támár dá bhrí sin go teach a dearthár Amnón, mar a raibh sé ina luí. Fuair sí taos, d'fhuin é, agus rinne cácaí os comhair a shúl, agus bhruith sí na cácaí.

[9] Tomou a assadeira e virou os bolos diante dele; porém ele recusou comer. Disse Amnom: Fazei retirar a todos da minha presença. E todos se retiraram.

[9]Ansin thóg sí an t-oigheann, agus scaoil amach os a chomhair iad, ach dhiúltaigh sé greim a ithe. “Imíodh gach aon duine amach uaim,” arsa Amnón, agus d'imíodar.

[10] Então, disse Amnom a Tamar: Traze a comida à câmara, e comerei da tua mão. Tomou Tamar os bolos que fizera e os levou a Amnom, seu irmão, à câmara.

[10]Ansin dúirt Amnón le Támár: “Tabhair an bia isteach sa seomra laistigh le go n-íosfainn as do láimh.” Rug Támár ar na cácaí a bhruith sí agus thug léi isteach iad go dtí a deartháir Amnón sa seomra laistigh.

[11] Quando lhos oferecia para que comesse, pegou-a e disse-lhe: Vem, deita-te comigo, minha irmã.

[11]Agus í ag tabhairt an bhia ina chóngar, rug sé greim uirthi agus dúirt léi: “Tair agus luigh liom, a shiúr.”

[12] Porém ela lhe disse: Não, meu irmão, não me forces, porque não se faz assim em Israel; não faças tal loucura.

[12]“Stad, a bhráthair liom,” ar sí, “ná héignigh mé! Ní dhéantar a leithéid in Iosrael. Ná déan an choir ghránna sin.

[13] Porque, aonde iria eu com a minha vergonha? E tu serias como um dos loucos de Israel. Agora, pois, peço-te que fales ao rei, porque não me negará a ti.

[13]Cá rachainn ag iompar m'aithise? Agus maidir leat féin, bheifeá i d'óinmid gan náire in Iosrael. Imigh leat, impím ort, agus labhair leis an rí; ní dhiúltóidh sé mé a thabhairt duit.”

[14] Porém ele não quis dar ouvidos ao que ela lhe dizia; antes, sendo mais forte do que ela, forçou-a e se deitou com ela.

[14]Ach ní éistfeadh sé léi; fuair sé an lámh in uachtar uirthi; d'éignigh sé í, agus luigh léi.

[15] Depois, Amnom sentiu por ela grande aversão, e maior era a aversão que sentiu por ela que o amor que ele lhe votara. Disse-lhe Amnom: Levanta-te, vai-te embora.

[15]Tháinig gráin mhór ag Amnón ansin di; an ghráin a bhí aige di, ba thréine í ná an grá a bhí aige roimhe sin di. Dúirt Amnón léi: “Bí i do shuí agus imigh leat.”

[16] Então, ela lhe disse: Não, meu irmão; porque maior é esta injúria, lançando-me fora, do que a outra que me fizeste. Porém ele não a quis ouvir.

[16]“Ní dhéanfaidh mé, a dhearthái r,” ar sí, “ba mhó de choir mé a chur chun siúil ná an ceann eile a rinne tú i m'aghaidh.” Ach ní thabharfadh sé cluas di.

[17] Chamou a seu moço, que o servia, e disse: Deita fora esta e fecha a porta após ela.

[17]Ghlaoigh sé ar an óglach a bhí ag freastal air: “Cuir an bhean seo amach as mo radharc uaim,” ar sé, “agus cuir an bolta ar an doras ina diaidh.”

[18] Trazia ela uma túnica talar de mangas compridas, porque assim se vestiam as donzelas filhas do rei. Mesmo assim o servo a deitou fora e fechou a porta após ela.

[18](Bhí fallaing le muinchillí fada á caitheamh aici, mar sin é a chaitheadh iníonacha an rí sa seansaol roimh phósadh dóibh.) Chuir an t-óglach amach í agus chuir an bolta ar an doras ina diaidh.

[19] Então, Tamar tomou cinza sobre a cabeça, rasgou a túnica talar de mangas compridas que trazia, pôs as mãos sobre a cabeça e se foi andando e clamando.

[19]Chuir Támár luaithreach ar a ceann, stróic sí an fhallaing fhada a bhí uirthi, agus d'imigh léi ag gol in ard a cinn ar an tslí di.

[20] Absalão, seu irmão, lhe disse: Esteve Amnom, teu irmão, contigo? Ora, pois,

[20]Dúirt a deartháir Aibseálóm léi: “An raibh do dheartháir Amnón ina luí leat?

minha irmã, cala-te; é teu irmão. Não se angustie o teu coração por isso. Assim ficou Tamar e esteve desolada em casa de Absalão, seu irmão.

Socair anois, a dheirfiúr; sé do dheartháir é. Ná cuireadh sé seo buairt ar do chroí." Ach d'fhan Támár go dubhach brónach i dteach a dearthár, Aibseálóm.

21 Ouvindo o rei Davi todas estas coisas, muito se lhe acendeu a ira.

21Nuair a chuala Dáiví rí an scéal go léir, tháinig an-fhearg air; [ach ní raibh aon fhonn air díobháil a dhéanamh dá mhac Amnón mar go raibh cion aige air; ba é a chéadghin é].

22 Porém Absalão não falou com Amnom nem mal nem bem; porque odiava a Amnom, por ter este forçado a Tamar, sua irmã.

22Ach ní raibh focal maith ná drochfhocal ag Aibseálóm le hAmnón; mar bhí an ghráin ag Aibseálóm ar Amnón mar gur éignigh sé a dheirfiúr Támár.

Absalão mata a Amnom

Maraíonn Aibseálóm Amnón agus Teitheann

23 Passados dois anos, Absalão tosquiava em Baal-Hazor, que está junto a Efraim, e convidou Absalão todos os filhos do rei.

23Dhá bhliain ina dhiaidh sin, nuair a bhí a mheitheal bearrthóirí ag Aibseálóm ag Bál Házór atá láimh le hEafráim, thug Aibseálóm cuireadh do chlann mhac an rí go léir.

24 Foi ter Absalão com o rei e disse: Eis que teu servo faz a tosquia; peço que com o teu servo venham o rei e os seus servidores.

24Tháinig Aibseálóm chuig an rí agus dúirt: "Tá an mheitheal bhearrtha ag do shearbhónta; an mbeadh an rí agus a fheidhmeannaigh sásta teacht le do shearbhónta?"

25 O rei, porém, disse a Absalão: Não, filho meu, não vamos todos juntos, para não te sermos pesados. Instou com ele Absalão, porém ele não quis ir; contudo, o abençoou.

25D'fhreagair an rí agus dúirt le hAibsealóm: "Ní dhéanfaimid, a mhic; níor chóir dúinn go léir teacht agus bheith inár n-ualach ort." Cé go raibh Aibseálóm ag tathant air, ní rachadh sé ach chuir a bheannacht leis.

26 Então, disse Absalão: Se não queres ir, pelo menos deixa ir conosco Amnom, meu irmão. Porém o rei lhe disse: Para que iria ele contigo?

26Lean Aibseálóm air: "Mura dtiocfaidh tusa, lig do mo dheartháir Amnón dul linn ar a laghad." "Cén fáth," arsa an rí leis, "a rachadh seisean leat?"

27 Insistindo Absalão com ele, deixou ir com ele Amnom e todos os filhos do rei.

27Ach lean Aibseálóm air ag tathant air go dtí gur lig sé d'Amnón agus do chlann

mhac an rí go léir dul leis. D'ullmhaigh Aibseálóm fleá ríoga,

[28] Absalão deu ordem aos seus moços, dizendo: Tomai sentido; quando o coração de Amnom estiver alegre de vinho, e eu vos disser: Feri a Amnom, então, o matareis. Não temais, pois não sou eu quem vo-lo ordena? Sede fortes e valentes.

[28]agus ansin thug sé ordú dá ghiollaí: “Cuirigí cluas oraibh féin! Nuair a bheidh Amnón súgach ón bhfíon, agus go ndéarfaidh mise: ‘Buailigí Amnón, ’ maraígí ansin é. Ná bíodh eagla oraibh! Nár thug mé ordú daoibh? Bíodh misneach agaibh agus bígí calma!”

[29] E os moços de Absalão fizeram a Amnom como Absalão lhes havia ordenado. Então, todos os filhos do rei se levantaram, cada um montou seu mulo, e fugiram.

[29]Thug giollaí Aibseálóm an íde a d'ordaigh Aibseálóm ar Amnón. Phreab clann mhac an rí go léir ina suí ansin agus léim ar a miúileanna agus theith leo.

[30] Iam eles ainda de caminho, quando chegou a notícia a Davi: Absalão feriu todos os filhos do rei, e nenhum deles ficou.

[30]Fad a bhíodar ar an mbóthar chuala Dáiví an ráfla: “Mharaigh Aibseálóm clann mhac an rí gan fear inste scéil a theacht slán.”

[31] Então, o rei se levantou, rasgou as suas vestes e se lançou por terra; e todos os seus servos que estavam presentes rasgaram também as suas vestes.

[31]D'éirigh an rí, stróic a chuid éadaigh, agus luigh ar an talamh. Stróic a raibh dá fheidhmeannaigh ag freastal air a gcuid éadaigh chomh maith.

[32] Mas Jonadabe, filho de Siméia, irmão de Davi, respondeu e disse: Não pense o meu senhor que mataram a todos os jovens, filhos do rei, porque só morreu Amnom; pois assim já o revelavam as feições de Absalão, desde o dia em que sua irmã Tamar foi forçada por Amnom.

[32]Ach labhair Iónádáb mac Shimeá, deartháir Dháiví: “Ná síleadh mo thiarna,” ar sé, “gur mharaigh siad na fir óga go léir, clann mhac an rí. Níl marbh ach Amnón amháin, mar bhí an bhagairt sin le léamh ar aghaidh Aibseálóm ón lá a d'éignigh Amnón a dheirfiúr Támár.

[33] Não meta, pois, agora, na cabeça o rei, meu senhor, tal coisa, supondo que morreram todos os filhos do rei; porque só morreu Amnom.

[33]Ná bíodh sé á thaibhreamh do mo thiarna an rí go bhfuil clann mhac an rí go léir marbh. Níl marbh ach Amnón amháin.”

[34] Absalão fugiu. O moço que estava de guarda, levantando os olhos, viu que

[34]Agus theith Aibseálóm. D'ardaigh an fear faire a shúile agus chonaic díorma

vinha muito povo pelo caminho por detrás dele, pelo lado do monte.

mór chuige le fána bhóthar Bhachúraím. [Tháinig sé lena rá leis an rí: "Chonaic mé fir chugainn le fána bhóthar Bhachúraím] ar thaobh an tsléibhe."

[35] Então, disse Jonadabe ao rei: Eis aí vêm os filhos do rei; segundo a palavra de teu servo, assim sucedeu.

[35]Dúirt Iónádáb leis an rí: "Seo chugainn clann mhac an rí; tá críoch an scéil faoi mar a dúirt do shearbhónta."

[36] Mal acabara de falar, chegavam os filhos do rei e, levantando a voz, choraram; também o rei e todos os seus servos choraram amargamente.

[36]Ní raibh na focail ach as a bhéal nuair a tháinig clann mhac an rí agus rinneadar caoineadh agus olagón in ard a ngutha; ghoil an rí agus a fheidhmeannaigh go géar chomh maith.

Absalão foge para Talmai

[37] Absalão, porém, fugiu e se foi a Talmai, filho de Amiúde, rei de Gesur. E Davi pranteava a seu filho todos os dias.

[37]Theith Aibseálóm, ámh, agus tháinig go Talmai, mac Aimíohúd, rí Ghisiúr, agus d'fhan sé ansiúd ar feadh trí bliana.

[38] Assim, Absalão fugiu, indo para Gesur, onde esteve três anos.

[38]Bhí an rí ag caoineadh a mhic i gcaitheamh an ama sin go léir.

[39] Então, o rei Davi cessou de perseguir a Absalão, porque já se tinha consolado acerca de Amnom, que era morto.

[39]Ní raibh olc ina chroí ag an rí in aghaidh Aibseálóm a thuilleadh nuair a tháinig sé chuige féin tar éis bhás Amnón.

2 Samuel 14

Absalão volta para Jerusalém

[1] Percebendo, pois, Joabe, filho de Zeruia, que o coração do rei começava a inclinar-se para Absalão,

[2] mandou trazer de Tecoa uma mulher sábia e lhe disse: Finge que estás profundamente triste, põe vestidos de luto, não te unjas com óleo e sê como mulher que há já muitos dias está de luto por algum morto.

[3] Apresenta-te ao rei e fala-lhe tais e tais palavras. E Joabe lhe pôs as palavras na boca.

2 Samúéil 14

Filleann Aibseálóm

[1]Thug Ióáb mac Zarúá faoi deara go raibh croí an rí ag caitheamh i ndiaidh Aibseálóm arís.

[2]Chuir Ióáb fios go Teacóá dá bhrí sin ar bhean chliste, agus dúirt sé léi: "Lig ort a bheith ag caoineadh; cuir éadach caointe ort; ná cuir ola ort féin; agus iompair thú féin mar bhean a bheadh ag caoineadh an mhairbh le fada an lá;

[3]téigh go dtí an rí agus abair a leithéid seo leis," agus chuir Ióáb a raibh le rá aici ina béal.

[4] A mulher tecoíta apresentou-se ao rei, e, inclinando-se, prostrou-se com o rosto em terra, e disse: Salva-me, ó rei!

[4]Tháinig an bhean ó Theacóá chun an rí, agus chaith sí í féin ar a béal ina láthair, agus thug ómós dó, agus dúirt: “Fóir orm, a rí!”

[5] Perguntou-lhe o rei: Que tens? Ela respondeu: Ah! Sou mulher viúva; morreu meu marido.

[5]“Cad tá ort?” arsa an rí léi. “Mo chreach, is baintreach mé; tá mo chéile tar éis bháis.

[6] Tinha a tua serva dois filhos, os quais brigaram entre si no campo, e não houve quem os apartasse; um feriu ao outro e o matou.

[6]Bhí beirt mhac ag d'ionailt, agus d'éirigh eatarthu amuigh sa ghort gan fear a n-idirghabhála ann. Bhuail duine díobh an duine eile agus mharaigh é.

[7] Eis que toda a parentela se levantou contra a tua serva, e disseram: Dá-nos aquele que feriu a seu irmão, para que o matemos, em vingança da vida de quem ele matou e para que destruamos também o herdeiro. Assim, apagarão a última brasa que me ficou, de sorte que não deixam a meu marido nome, nem sobrevivente na terra.

[7]Anois tá an fine go léir éirithe i gcoinne d'ionailte: ‘Tabhair ar láimh an fear a mharaigh a dheartháir, ’ a deir siad; ‘beidh a anam againn in éiric anam an té a mharaigh sé, agus millfimid an t-oidhre chomh maith.’ Múchfaidh siad ar an gcuma sin cibé síol atá fágtha ar mo theallach agus ní fhágfaidh siad ainm ná sliocht ag m'fhear céile ar chlár na cruinne.”

[8] Disse o rei à mulher: Vai para tua casa, e eu darei ordens a teu respeito.

[8]“Téigh abhaile,” arsa an rí ansin leis an mbean, “agus tabharfaidh mé féin orduithe i dtaobh do cháis.”

[9] Disse a mulher tecoíta ao rei: A culpa, ó rei, meu senhor, caia sobre mim e sobre a casa de meu pai; o rei, porém, e o seu trono sejam inocentes.

[9]Dúirt an bhean ó Theacóá leis an rí: “A thiarna rí! Go raibh an chiontacht ormsa agus ar mo mhuintir! Go raibh an rí agus a ríchathaoir gan locht!”

[10] Disse o rei: Quem falar contra ti, traze-mo a mim; e nunca mais te tocará.

[10]“Tabhair chugam an fear a rinne bagairt ort,” a dúirt an rí, “agus ní leagfaidh sé lámh go deo arís ort.”

[11] Disse ela: Ora, lembra-te, ó rei, do SENHOR, teu Deus, para que os vingadores do sangue não se multipliquem a matar e exterminem meu filho.

[11]Dúirt sí ansin: “Glaodh an rí, lena thoil, ar ainm an Tiarna, a Dhia, d'fhonn nach ndéanfadh an díoltasaí fola a thuilleadh marú agus mo mhac a mhilleadh.” “Dar an

Respondeu ele: Tão certo como vive o SENHOR, não há de cair no chão nem um só dos cabelos de teu filho.

12 Então, disse a mulher: Permite que a tua serva fale uma palavra contigo, ó rei, meu senhor. Disse ele: Fala.

13 Prosseguiu a mulher: Por que pensas tu doutro modo contra o povo de Deus? Pois, em pronunciando o rei esse juízo, condena-se a si mesmo, visto que não quer fazer voltar o seu desterrado.

14 Porque temos de morrer e somos como águas derramadas na terra que já não se podem juntar; pois Deus não tira a vida, mas cogita meios para que o banido não permaneça arrojado de sua presença.

15 Se vim, agora, falar esta palavra ao rei, meu senhor, é porque o povo me atemorizou; pois dizia a tua serva: Falarei ao rei; porventura, ele fará segundo a palavra da sua serva.

16 Porque o rei atenderá, para livrar a sua serva da mão do homem que intenta destruir tanto a mim como a meu filho da herança de Deus.

17 Dizia mais a tua serva: Seja, agora, a palavra do rei, meu senhor, para a minha tranqüilidade; porque, como um anjo de Deus, assim é o rei, meu senhor, para discernir entre o bem e o mal. O SENHOR, teu Deus, será contigo.

Tiarna beo," ar sé, "ní thitfidh ribe de ghruaig do mhic chun na talún."

12Ansin dúirt an bhean: "Lig do d'ionailt rud éigin eile a rá le mo thiarna an rí." "Lean ort," ar sé.

13"Cén fáth más ea," arsa an bhean, "a ndearna an rí comhcheilg in aghaidh phobal Dé agus gan an té a dhíbir sé a thabhairt ar ais abhaile - mar leis an mbreith seo déanann an rí é féin a dhaoradh.

14Tá an bás i ndán dúinn go léir; is cuma sinn nó uisce a doirteadh ar an talamh nach féidir a bhailiú le chéile aris; ní mó ná sin a ardaíonn Dia duine ón mbás. Déanadh [an rí] mar sin seift ar son an té a díbríodh le nach bhfanfadh sé i bhfad i gcéin uaidh ar deoraíocht.

15Is é cúis faoinar tháinig mé le labhairt ar an ábhar seo le mo thiarna an rí, mar gur chuir daoine eagla orm, agus rith sé le d'ionailt: 'Labhróidh mé leis an rí; b'fhéidir go ndéanfadh an rí mar a iarrfaidh a ionailt air.

16Mar déanfaidh an rí rud orm agus déanfaidh sé a ionailt a fhuascailt ó lámha an té a ghearrfadh mise agus mo mhac mar aon liom amach ó oidhreacht Dé.

17Go ndéana briathra mo thiarna an rí, ' a dúirt mé liom féin, 'mé a chur chun suaimhnis. Mar tá mo thiarna an rí ar aon dul le haingeal Dé ag scagadh olc agus maith.' Go raibh an Tiarna do Dhia leat!"

[18] Então, respondeu o rei e disse à mulher: Peço-te que não me encubras o que eu te perguntar. Respondeu a mulher: Pois fale o rei, meu senhor.

[18]Thug an rí freagra uirthi á rá: “Ná seachain aon cheist atáim a chur chugat, le do thoil.” “Cuireadh mo thiarna an rí a cheist chugam,” ar sí.

[19] Disse o rei: Não é certo que a mão de Joabe anda contigo em tudo isto? Respondeu ela: Tão certo como vive a tua alma, ó rei, meu senhor, ninguém se poderá desviar, nem para a direita nem para a esquerda, de tudo quanto o rei, meu senhor, tem dito; porque Joabe, teu servo, é quem me deu ordem e foi ele quem ditou à tua serva todas estas palavras.

[19]“Nach bhfuil lámh Ioáb ar do chúl sa ghnó seo go léir?” d'fhiafraigh an rí. D'fhreagair an bhean agus dúirt: “Chomh cinnte agus atá tú i do bheatha, a thiarna liom agus a rí, níl dul as ar dheis nó ar chlé ó na nithe a dúirt mo thiarna an rí liom. Sea, is é d'óglach Ioáb a d'iarr é seo orm; chuir sé na focail seo go léir i mbéal d'ionailte.

[20] Para mudar o aspecto deste caso foi que o teu servo Joabe fez isto. Porém sábio é meu senhor, segundo a sabedoria de um anjo de Deus, para entender tudo o que se passa na terra.

[20]D'fhonn athrú treo a chur ar do chúrsaí a rinne do shearbhónta Ioáb mar sin; ach tá eagna mar atá ag aingeal Dé ag mo thiarna; tá fios gach a dtarlaíonn ar talamh aige.”

[21] Então, o rei disse a Joabe: Atendi ao teu pedido; vai, pois, e traze o jovem Absalão.

[21]Dúirt an rí le Ioáb ansin: “Ceart go leor! Bíodh d'achainí agat! Imigh agus tabhair leat ar ais an t-ógánach Aibseálóm!”

[22] Inclinando-se Joabe, prostrou-se em terra, abençoou o rei e disse: Hoje, reconheço que achei mercê diante de ti, ó rei, meu senhor; porque o rei fez segundo a palavra do seu servo.

[22]Chaith Ioáb é féin ar a bhéal ar an talamh, thug ómós don rí, agus bheannaigh é. “A thiarna liom, agus a rí,” arsa Ioáb, “tá a fhios ag do shearbhónta anois go bhfuil fabhar faighte aige i do láthair, a thiarna rí, mar go ndearna an rí faoi mar a d'iarr a shearbhónta air.”

[23] Levantou-se Joabe, foi a Gesur e trouxe Absalão a Jerusalém.

[23]Chuir Ioáb chun bealaigh agus tháinig go Gisiúr agus thug Aibseálóm ar ais go Iarúsailéim.

[24] Disse o rei: Torne para a sua casa e não veja a minha face. Tornou, pois, Absalão para sua casa e não viu a face do rei.

[24]Ach dúirt an rí: “Maireadh sé leis féin, ina theach féin; fanadh sé as mo radharc!” Chuir Aibseálóm faoi leis féin ina theach

féin dá bhrí sin, agus níor tháinig sé i láthair an rí.

A beleza de Absalão

[25] Não havia, porém, em todo o Israel homem tão celebrado por sua beleza como Absalão; da planta do pé ao alto da cabeça, não havia nele defeito algum.

[25]Ní raibh oiread agus duine in Iosrael le moladh de bharr a scéimhe an oiread le hAibseálóm; ní raibh máchail air ó mhullach a chinn go bonn a choise.

[26] Quando cortava o cabelo (e isto se fazia no fim de cada ano, porquanto muito lhe pesava), seu peso era de duzentos siclos, segundo o peso real.

[26]Nuair a bhearradh sé de a cheann gruaige - rud a dhéanadh sé ag deireadh gach bliana; bhearradh sé ansin é mar go mbíodh sé róthrom dó - mheádh sé an ghruaig, dhá chéad seicil de thomhas an rí.

[27] Também nasceram a Absalão três filhos e uma filha, cujo nome era Tamar; esta era mulher formosa à vista.

[27]Rugadh triúr mac agus iníon d'Aibseálóm; Támár a b'ainm dá iníon agus ba sciamhach an bhean í.

Absalão admitido à presença de Davi

[28] Tendo ficado Absalão dois anos em Jerusalém e sem ver a face do rei,

[28]Chaith Aibseálóm dhá bhliain in Iarúsailéim gan teacht i láthair an rí.

[29] mandou ele chamar a Joabe, para o enviar ao rei; porém ele não quis vir. Mandou chamá-lo segunda vez, mas ainda não quis ele vir.

[29]Ansin chuir Aibseálóm fios ar Ióáb lena thabhairt féin i láthair an rí, ach ní thiocfadh Ióáb chuige. Chuir sé fios air an dara huair, ach ní thiocfadh Ióáb chuige.

[30] Então, disse aos seus servos: Vede ali o pedaço de campo de Joabe pegado ao meu, e tem cevada nele; ide e metei-lhe fogo. E os servos de Absalão meteram fogo nesse pedaço de campo.

[30]Dúirt sé lena ghiollaí dá bhrí sin: “Féach, tá gort Ióáb taobh le mo ghortsa, agus tá eorna aige ann. Imígí agus cuirigí trí thine é.” Chuir giollaí Aibseálóm gort Ióáb trí thine.

[31] Então, Joabe se levantou, e foi à casa de Absalão, e lhe disse: Por que meteram fogo os teus servos no pedaço de campo que é meu?

[31]D'éirigh Ióáb agus d'imigh leis go dtí a theach go hAibseálóm. “Cén fáth,” ar sé, “gur chuir do ghiollaí mo ghort trí thine?”

[32] Respondeu Absalão a Joabe: Mandei chamar-te, dizendo: Vem cá, para que te envie ao rei, a dizer-lhe: Para que vim de Gesur? Melhor me fora estar ainda lá.

[32]D'fhreagair Aibseálóm á rá le Ióáb: “Féach, chuir mé scéala chugat: ‘Tar anseo chugam d'fhonn go gcuirfidh mé thú go dtí an rí leis an teachtaireacht seo: Cén fáth ar

Agora, pois, quero ver a face do rei; se há em mim alguma culpa, que me mate.

33 Então, Joabe foi ao rei e lho disse. Chamou o rei a Absalão, e este se lhe apresentou e inclinou-se sobre o rosto em terra, diante do rei. O rei beijou a Absalão.

tháinig mé ar ais ó Ghisiúr? B'fhearr dom a bheith ann fós! Lig dom anois dul isteach i láthair an rí; má táim ciontach, cuireadh sé chun báis mé.' "

33Chuaigh Ióáb chuig an rí agus thug an teachtaireacht dó. Chuir seisean fios ar Aibseálóm agus tháinig sé go dtí an rí, chrom go talamh ina láthair agus chaith é féin ar a bhéal os a chomhair. Agus thug an rí póg d'Aibseálóm.

2 Samuel 15

A revolta de Absalão e a fuga de Davi

1 Depois disto, Absalão fez aparelhar para si um carro e cavalos e cinqüenta homens que corressem adiante dele.

2 Levantando-se Absalão pela manhã, parava à entrada da porta; e a todo homem que tinha alguma demanda para vir ao rei a juízo, o chamava Absalão a si e lhe dizia: De que cidade és tu? Ele respondia: De tal tribo de Israel é teu servo.

3 Então, Absalão lhe dizia: Olha, a tua causa é boa e reta, porém não tens quem te ouça da parte do rei.

4 Dizia mais Absalão: Ah! Quem me dera ser juiz na terra, para que viesse a mim todo homem que tivesse demanda ou questão, para que lhe fizesse justiça!

5 Também, quando alguém se chegava para inclinar-se diante dele, ele estendia a mão, pegava-o e o beijava.

6 Desta maneira fazia Absalão a todo o Israel que vinha ao rei para juízo e, assim,

2 Samúéil 15

Ceilg agus Ceannairc Aibseálóm

1Ina dhiaidh sin fuair Aibseálóm carbad agus eachra agus leathchéad fear le rith roimhe.

2D'éiríodh Aibseálóm go moch, agus sheasadh sé le taobh bhóthar an gheata. Aon uair a thagadh duine le cúis le cur faoi bhreith an rí, ghlaodh Aibseálóm air agus deireadh: "Cén chathair arb as duit?" D'fhreagraíodh seisean: "As a leithéid seo de threibh in Iosrael do shearbhónta."

3Deireadh Aibseálóm leis: "Tá d'éileamh ceart agus cóir, ach níl aon fhear ionaid ceaptha ag an rí le héisteacht leat."

4Agus leanadh Aibseálóm air: "Uch nach gceapfaí mé i mo bhreitheamh sa tír! Ansin aon duine a mbeadh cúis nó caingean aige, d'fhéadfadh sé teacht chugamsa agus gheobhadh sé ceart uaim."

5Nuair a thagadh duine chuige le hómós a thabhairt dó, shíneadh sé amach a lámh, bheireadh greim air agus phógadh é.

6Is mar sin a dhéanadh Aibseálóm leis na hIosraelaigh go léir a thagadh chuig an rí

ele furtava o coração dos homens de Israel.

[7] Ao cabo de quatro anos, disse Absalão ao rei: Deixa-me ir a Hebrom cumprir o voto que fiz ao SENHOR.

[8] Porque, morando em Gesur, na Síria, fez o teu servo um voto, dizendo: Se o SENHOR me fizer tornar a Jerusalém, prestarei culto ao SENHOR.

[9] Então, lhe disse o rei: Vai-te em paz. Levantou-se, pois, e foi para Hebrom.

[10] Enviou Absalão emissários secretos por todas as tribos de Israel, dizendo: Quando ouvirdes o som das trombetas, direis: Absalão é rei em Hebrom!

[11] De Jerusalém foram com Absalão duzentos homens convidados, porém iam na sua simplicidade, porque nada sabiam daquele negócio.

[12] Também Absalão mandou vir Aitofel, o gilonita, do conselho de Davi, da sua cidade de Gilo; enquanto ele oferecia os seus sacrifícios, tornou-se poderosa a conspirata, e crescia em número o povo que tomava o partido de Absalão.

[13] Então, veio um mensageiro a Davi, dizendo: Todo o povo de Israel segue decididamente a Absalão.

[14] Disse, pois, Davi a todos os seus homens que estavam com ele em Jerusalém: Levantai-vos, e fujamos, porque não poderemos salvar-nos de Absalão. Dai-vos

ag tagra a gcirt, agus mheall Aibseálóm croí fhir Iosrael ar an tslí sin.

[7]Tar éis ceithre bliana dúirt Aibseálóm leis an rí: "Lig dom dul go Heabrón chun an mhóid a thug mé don Tiarna a chomhlíonadh;

[8]mar nuair a bhí mé i nGisiúr in Arám, thug do shearbhónta an mhóid seo: 'Má thugann an Tiarna ar ais go Iarúsailéim mé, ' arsa mise, 'tabharfaidh mé ómós don Tiarna i Heabrón.' "

[9]Dúirt an rí leis: "Imigh faoi shíocháin!" agus d'imigh sé leis agus tháinig go Heabrón.

[10]Chuir Aibseálóm teachtairí ar fud treibheanna Iosrael go léir á rá: "A luaithe a chloisfidh sibh glór an trumpa, abraigí: 'Tá Aibseálóm ina rí i Heabrón! ' "

[11]Chuaigh dhá chéad fear le hAibseálóm ó Iarúsailéim; bhí cuireadh acu, agus thángadar gan urchóid ina gcroí ná eolas ar bith acu.

[12]Chuir Aibseálóm fios ar Aichítifeil, an Gíolonach, comhairleoir Dháiví ó chathair Ghíolo [agus bhí sé ina theannta] agus é ag ofráil na n-íobairtí. Neartaigh an chomhcheilg agus chuaigh lucht tacaíochta Aibseálóm i neart.

Teitheann Dáiví

[13]Tháinig teachtaire chuig Dáiví agus dúirt leis: "Tá lé ag fir Iosrael le hAibseálóm anois."

[14]Ar an ábhar sin dúirt Dáiví lena chuid oifigeach go léir a bhí in éineacht leis in Iarúsailéim: "As go brách linn; teithimis, nó ní éalóimid choíche ó Aibseálóm. Imígí

pressa a sair, para que não nos alcance de súbito, lance sobre nós algum mal e fira a cidade a fio de espada.

le teann deabhaidh, ar eagla go mbéarfadh sé orainn le barr luais agus an bua a fháil orainn agus bás le faobhar a thabhairt ar mhuintir na cathrach."

[15] Então, os homens do rei lhe disseram: Eis aqui os teus servos, para tudo quanto determinar o rei, nosso senhor.

[15]D'fhreagair oifigigh an rí: "Féach, táimidne, do shearbhóntaí, réidh le déanamh de réir cibé ní a bheartóidh mo thiarna, an rí."

[16] Saiu o rei, e todos os de sua casa o seguiram; deixou, porém, o rei dez concubinas, para cuidarem da casa.

[16]D'imigh an rí agus a theaghlach go léir ina dhiaidh agus d'fhág sé deichniúr leannán i bhfeighil an pháláis.

[17] Tendo, pois, saído o rei com todo o povo após ele, pararam na última casa.

[17]D'imigh an rí de chois agus a mhuintir go léir ina dhiaidh agus stad siad ag an teach deiridh.

[18] Todos os seus homens passaram ao pé dele; também toda a guarda real e todos os geteus, seiscentos homens que o seguiram de Gate, passaram adiante do rei.

[18]Ghabh a oifigigh go léir thairis, agus ghabh na Ceiréitigh go léir, agus na Peiléitigh go léir, agus gach duine den sé chéad Giteach a lean é ó Ghat, ar aghaidh roimh an rí.

A lealdade de Itai

[19] Disse, pois, o rei a Itai, o geteu: Por que irias também tu conosco? Volta e fica-te com quem vier a ser o rei, porque és estrangeiro e desterrado de tua pátria.

[19]Dúirt an rí le hIotaí an Giteach: "Cén fáth a bhfuil tusa ag teacht linne? Fill ar ais agus fan in éineacht leis an rí mar is coimhthíoch thú, agus deoraí ó do thír féin chomh maith.

[20] Chegaste ontem, e já te levaria eu, hoje, conosco a vaguear, quando eu mesmo não sei para onde vou? Volta, pois, e faze voltar a teus irmãos contigo. E contigo sejam misericórdia e fidelidade.

[20]Níor tháinig tú ach inné, agus an amhlaidh a thabharfainn ar guardal inniu thú inár dteannta, agus gan fhios agam féin cén treo? Fill ar ais, tabhair do mhuintir leat agus [go raibh an Tiarna] buanchineálta dílis leat."

[21] Respondeu, porém, Itai ao rei: Tão certo como vive o SENHOR, e como vive o rei, meu senhor, no lugar em que estiver o rei, meu senhor, seja para morte seja para vida, lá estará também o teu servo.

[21]D'fhreagair Iotaí an rí: "Dar an Tiarna beo, agus dar anam mo thiarna an rí, cibé áit ina mbeidh mo thiarna an rí, más beo, más marbh dó, is ann a bheidh do shearbhónta chomh maith."

[22] Então, disse Davi a Itai: Vai e passa adiante. Assim, passou Itai, o geteu, e todos os seus homens, e todas as crianças que estavam com ele.

[23] Toda a terra chorava em alta voz; e todo o povo e também o rei passaram o ribeiro de Cedrom, seguindo o caminho do deserto.

Zadoque, Abiatar e Husai voltam para Jerusalém

[24] Eis que Abiatar subiu, e também Zadoque, e com este todos os levitas que levavam a arca da Aliança de Deus; puseram ali a arca de Deus, até que todo o povo acabou de sair da cidade.

[25] Então, disse o rei a Zadoque: Torna a levar a arca de Deus à cidade. Se achar eu graça aos olhos do SENHOR, ele me fará voltar para lá e me deixará ver assim a arca como a sua habitação.

[26] Se ele, porém, disser: Não tenho prazer em ti, eis-me aqui; faça de mim como melhor lhe parecer.

[27] Disse mais o rei a Zadoque, o sacerdote: Ó vidente, tu e Abiatar, voltai em paz para a cidade, e convosco também vossos dois filhos, Aimaás, teu filho, e Jônatas, filho de Abiatar.

[28] Olhai que me demorarei nos vaus do deserto até que me venham informações vossas.

[29] Zadoque, pois, e Abiatar levaram a arca de Deus para Jerusalém e lá ficaram.

[30] Seguiu Davi pela encosta das Oliveiras, subindo e chorando; tinha a cabeça coberta e caminhava descalço; todo o

[22]“Ar aghaidh leat tharainn, más ea,” arsa Dáiví le hIotaí. Ghabh Iotaí an Giteach ar aghaidh lena chuid fear go léir agus na miondaoine go léir a lean é.

[23]Rinne an tuath go léir caoineadh agus olagón agus na daoine ag gabháil thar bráid. Sheas an rí i nGleann Chidreon agus mháirseáil na daoine go léir thairis i dtreo an fhásaigh.

[24]Bhí Zádóc ansiúd agus na Léivítigh go léir ag iompar áirc chonradh Dé. Leagadar áirc Dé ansiúd ar an talamh os comhair Aibíátár nó gur ghabh an pobal go léir thart amach as an gcathair.

[25]Dúirt an rí ansin le Zádóc: “Tabhair áirc Dé ar ais isteach sa chathair. Má fhaighim fabhar i súile an Tiarna, tabharfaidh sé ar ais mé agus tabharfaidh sé radharc arís dom uirthi féin agus ar a háit lonnaithe.

[26]Ach má deir sé: ‘Ní gean liom thú, ’ seo mé agus déanadh sé liom mar is rogha leis.”

[27]Dúirt an rí le Zádóc an sagart: “Féach, fillse agus Aibíátár ar ais faoi shíocháin chun na cathrach leis an mbeirt mhac agaibh, Aichímeáz do mhac féin agus Iónátán mac Aibíátár.

[28]Fanfaidh mise i réitigh an fhásaigh go bhfaighidh mé gaoth an fhocail uaibhse.”

[29]Thug Zádóc agus Aibíátár áirc Dé ar ais go Iarúsailéim agus d'fhanadar ann.

[30]Ansin rinne Dáiví a bhealach suas ar Shliabh na nOlóg; bhí sé ag caoineadh ar a thriall, a cheann clúdaithe agus a chosa

povo que ia com ele, de cabeça coberta, subiu chorando.

31 Então, fizeram saber a Davi, dizendo: Aitofel está entre os que conspiram com Absalão. Pelo que disse Davi: Ó SENHOR, peço-te que transtornes em loucura o conselho de Aitofel.

32 Ao chegar Davi ao cimo, onde se costuma adorar a Deus, eis que Husai, o arquita, veio encontrar-se com ele, de manto rasgado e terra sobre a cabeça.

33 Disse-lhe Davi: Se fores comigo, ser-me-ás pesado.

34 Porém, se voltares para a cidade e disseres a Absalão: Eu serei, ó rei, teu servo, como fui, dantes, servo de teu pai, assim, agora, serei teu servo, dissipar-me-ás, então, o conselho de Aitofel.

35 Tens lá contigo Zadoque e Abiatar, sacerdotes. Todas as coisas, pois, que ouvires da casa do rei farás saber a esses sacerdotes.

36 Lá estão com eles seus dois filhos, Aimaás, filho de Zadoque, e Jônatas, filho de Abiatar; por meio deles, me mandareis notícias de todas as coisas que ouvirdes.

37 Husai, pois, amigo de Davi, veio para a cidade, e Absalão entrou em Jerusalém.

2 Samuel 16

Davi e Ziba

nocht. Agus na daoine go léir a bhí ina chuideachta, bhí a gceann clúdaithe acu agus thaistil siad suas agus iad ag caoineadh ar an mbealach.

31Fuair Dáiví scéala go raibh Aichítifeil i measc lucht comhcheilge Aibseálóm. Dúirt Dáiví: “A Thiarna, impím ort, déan baois de bheartais Aichítifeil.”

32Nuair a shroich Dáiví mullach an tsléibhe mar a ndéantar Dia a adhradh, chonaic sé chuige Húisí an tAircíoch agus a chóta stróicthe agus cré ar a cheann.

33Dúirt Dáiví leis: “Má théann tú ar aghaidh liom, beidh tú i d'ualach orm;

34ach má fhilleann tú ar an gcathair agus a rá le hAibseálóm: ‘Beidh mé i mo shearbhónta agat, a rí; bhí mé tráth i mo shearbhónta ag d'athair, ach anois beidh mé i mo shearbhónta agatsa, ’ beidh ar do chumas beartas Aichítifeil a shárú dom.

35Nach mbeidh na sagairt Zádóc agus Aibíátár ansiúd i do theannta? Aon scéal a gheobhaidh tú ón bpálás, inis é do Zádóc agus d'Aibíátár, na sagairt.

36Agus féach, tá a mbeirt mhac, Aichímeáz mac Zádóc, agus Iónátán mac Aibíátár, in éineacht leo; seolfaidh sibh gach scéala a gheobhaidh sibh chugamsa lena gcabhairsean.”

37D'fhill Húisí, cara Dháiví, ar ais chun na cathrach díreach agus Aibseálóm ag teacht isteach in Iarúsailéim.

2 Samúéil 16

Cabhair agus Doicheall

[1] Tendo Davi passado um pouco além, dobrando o cimo, eis que lhe saiu ao encontro Ziba, servo de Mefibosete, com dois jumentos albardados e sobre eles duzentos pães, cem cachos de passas, cem frutas de verão e um odre de vinho.

[1]Nuair a bhí Dáiví imithe tamall gairid thar mhullach an tsléibhe, tháinig Zíbeá, searbhónta Mheirí Bál, ina araicis le dhá asal, diallaití orthu agus ualach orthu de dhá chéad builín aráin, céad crobhaing rísíní, céad de thorthaí an tsamhraidh, agus seithe fíona.

[2] Perguntou o rei a Ziba: Que pretendes com isto? Respondeu Ziba: Os jumentos são para a casa do rei, para serem montados; o pão e as frutas de verão, para os moços comerem; o vinho, para beberem os cansados no deserto.

[2]Dúirt an rí le Zíbeá: “Cá rachaidh tú leo sin?” D'fhreagair Zíbeá: “Do theaghlach an rí le marcaíocht orthu na hasail; do na saighdiúirí le hithe an t-arán agus na torthaí samhraidh; le hól ag an mhuintir a éireoidh lag san fhásach an fíon.”

[3] Então, disse o rei: Onde está, pois, o filho de teu senhor? Respondeu Ziba ao rei: Eis que ficou em Jerusalém, pois disse: Hoje, a casa de Israel me restituirá o reino de meu pai.

[3]“Agus cá bhfuil mac do mháistir?” arsan rí. D'fhreagair Zíbeá an rí: “Féach, d'fhan sé in Iarúsailéim, mar a deir sé: ‘Tabharfaidh teaghlach Iosrael ríocht m'athar ar ais dom inniu.’ ”

[4] Então, disse o rei a Ziba: Teu é tudo que pertence a Mefibosete. Disse Ziba: Eu me inclino e ache eu mercê diante de ti, ó rei, meu senhor.

[4]Ansin dúirt an rí le Zíbeá: “Is leat anois cuid Mheirí Bál go léir.” Dúirt Zíbeá: “Umhlaím duit. Gura fiú mé d'fhabhar a fháil i gcónaí, a thiarna mo rí!”

Davi amaldiçoado por Simei

[5] Tendo chegado o rei Davi a Baurim, eis que dali saiu um homem da família da casa de Saul, cujo nome era Simei, filho de Gera; saiu e ia amaldiçoando.

[5]Nuair a tháinig Dáiví a fhad le Bachúraím, amach le fear den sliocht céanna ónar shíolraigh clann Shóil. Simeí mac Ghéará ab ainm dó. Agus ag teacht dó bhí sé ag mallachtaigh leis

[6] Atirava pedras contra Davi e contra todos os seus servos, ainda que todo o povo e todos os valentes estavam à direita e à esquerda do rei.

[6]agus ag caitheamh cloch le Dáiví rí agus lena chuid oifigeach go léir, cé go raibh an t-arm ar fad agus na gaiscígh uile thart timpeall ar an rí, ar dheis agus ar chlé.

[7] Amaldiçoando-o, dizia Simei: Fora daqui, fora, homem de sangue, homem de Belial;

[7]Seo mar a bhí sé ag mallachtaigh: “Beir as, beir as, a fhir na fola, a chladhaire!

[8] o SENHOR te deu, agora, a paga de todo o sangue da casa de Saul, cujo reino usurpaste; o SENHOR já o entregou nas mãos de teu filho Absalão; eis-te, agora, na tua desgraça, porque és homem de sangue.

[8]Bhain an Tiarna díoltas asat i bhfuil theaghlach Shóil ar ghlac tú a fhlaitheas ort féin, agus tá an Tiarna tar éis an flaitheas céanna a thabhairt i láimh Aibseálóm do mhac. Seo chugat anois uair na cinniúna, a fhir na fola."

[9] Então, Abisai, filho de Zeruia, disse ao rei: Por que amaldiçoaria este cão morto ao rei, meu senhor? Deixa-me passar e lhe tirarei a cabeça.

[9]Dúirt Aibísí mac Zarúá leis an rí: "An bhfuilimid chun ligean don mhadra marbh seo bheith ag mallachtaigh ar mo thiarna, an rí? Lig dom dul anonn agus an ceann a bhaint de."

[10] Respondeu o rei: Que tenho eu convosco, filhos de Zeruia? Ora, deixai-o amaldiçoar; pois, se o SENHOR lhe disse: Amaldiçoa a Davi, quem diria: Por que assim fizeste?

[10]Ach d'fhreagair an rí: "Cá mbaineann sé liomsa agus libhse, a mhaca Zarúá. Má tá sé ag mallachtaigh mar go ndúirt an Tiarna leis: 'Cuir mallacht ar Dháiví, '

[11]cén ceart atá ag aon duine a rá: 'Cad chuige a ndearna tú seo?'" Dúirt Dáiví le hAibísí agus lena chuid oifigeach go léir: "Ar ndóigh tá mo mhac féin, síol mo choirp, ag iarraidh mé a mharú anois. Cá hionadh, mar sin, gur mó a bheadh an Biniáimineach seo á iarraidh? Lig do a bheith ag mallachtaigh leis, más é sin an rud a dúirt an Tiarna leis.

[11] Disse mais Davi a Abisai e a todos os seus servos: Eis que meu próprio filho procura tirar-me a vida, quanto mais ainda este benjamita? Deixai-o; que amaldiçoe, pois o SENHOR lhe ordenou.

[12] Talvez o SENHOR olhará para a minha aflição e o SENHOR me pagará com bem a sua maldição deste dia.

[12]B'fhéidir go mbreathnódh an Tiarna ar [m'anró] agus an mhaith a chur i mo threo in éiric a mhallachta inniu."

[13] Prosseguiam, pois, o seu caminho, Davi e os seus homens; também Simei ia ao longo do monte, ao lado dele, caminhando e amaldiçoando, e atirava pedras e terra contra ele.

[13]Chuir Dáiví agus a chuid fear chun bealaigh mar sin. Ach lean Simeí air ar feadh an tsléibhe ar a aghaidh anonn ag mallachtaigh ar an mbealach agus ag caitheamh cloch agus cré leis.

[14] O rei e todo o povo que ia com ele chegaram exaustos ao Jordão e ali descansaram.

Husai professa lealdade a Absalão

[15] Absalão, pois, e todo o povo, homens de Israel, vieram a Jerusalém; e, com ele, Aitofel.

[16] Tendo-se apresentado Husai, o arquita, amigo de Davi, a Absalão, disse-lhe: Viva o rei, viva o rei!

[17] Porém Absalão disse a Husai: É assim a tua fidelidade para com o teu amigo Davi? Por que não foste com o teu amigo?

[18] Respondeu Husai a Absalão: Não, mas àquele a quem o SENHOR elegeu, e todo este povo, e todos os homens de Israel, a ele pertencerei e com ele ficarei.

[19] Ainda mais, a quem serviria eu? Porventura, não seria diante de seu filho? Como servi diante de teu pai, assim serei diante de ti.

Absalão e as concubinas de Davi

[20] Então, disse Absalão a Aitofel: Dai o vosso conselho sobre o que devemos fazer.

[21] Disse Aitofel a Absalão: Coabita com as concubinas de teu pai, que deixou para cuidar da casa; e, em ouvindo todo o Israel que te fizeste odioso para com teu pai, animar-se-ão todos os que estão contigo.

[22] Armaram, pois, para Absalão uma tenda no eirado, e ali, à vista de todo o Israel, ele coabitou com as concubinas de seu pai.

[14]Shroich an rí agus an mhuintir go léir a bhí in éineacht leis [an Iordáin] agus an-tuirse orthu, agus ligeadar a scíth ansiúd.

Aibseálóm in Iarúsailéim

[15]Tháinig Aibseálóm lena lucht leanúna go léir de chlann Iosrael isteach in Iarúsailéim; bhí Aichítifeil ina theannta.

[16]Nuair a tháinig Húisí an tAircíoch, cara Dháiví, i láthair Aibseálóm, dúirt sé: “Fad ar shaol an rí! Fad ar shaol an rí!”

[17]Agus dúirt Aibseálóm le Húisí: “An mar sin atá ag do dhílseacht do do chara? Cén fáth nár imigh tú le do chara?”

[18]Agus dúirt Húisí le hAibseálóm: “Ní mar sin atá. Ach an té a thogh an Tiarna agus an pobal seo agus muintir Iosrael go léir is aigesean a bheidh mise, agus is leis-sean a fhanfaidh mé.

[19]Agus thairis sin, cé dó a ndéanfainn seirbhís? Cé eile ach dá mhac? Déanfaidh mé seirbhís duitse faoi mar a rinne mé do d'athair.”

[20]Agus dúirt Aibseálóm le hAichítifeil: “Déan do mhachnamh go maith; cad tá le déanamh againn?”

[21]Dúirt Aichítifeil le hAibseálóm: “Luigh leis na leannáin dá chuid a d'fhág d'athair i bhfeighil a thí; ansin beidh a fhios ag Iosrael go léir go mbeidh an ghráin ag d'athair ort, agus beidh breis misnigh ag do lucht tacaíochta go léir.”

[22]Shuíodar both dá bhrí sin d'Aibseálóm ar dhíon an tí agus ghabh Aibseálóm isteach chun leannáin a athar i bhfianaise Iosrael go léir.

[23] O conselho que Aitofel dava, naqueles dias, era como resposta de Deus a uma consulta; tal era o conselho de Aitofel, tanto para Davi como para Absalão.

[23]Sna laethanta úd ba gheall le dul i muinín oracail Dé féin dul i muinín chomhairle Aichítifeil. Sin é an meas a bhí ar gach comhairle a thugadh Aichítifeil ag Dáiví agus ag Aibseálóm chomh maith céanna.

2 Samuel 17

O conselho de Aitofel e de Husai

[1] Disse ainda Aitofel a Absalão: Deixa-me escolher doze mil homens, e me disporei, e perseguirei Davi esta noite.

[2] Assaltá-lo-ei, enquanto está cansado e frouxo de mãos; espantá-lo-ei; fugirá todo o povo que está com ele; então, matarei apenas o rei.

[3] Farei voltar a ti todo o povo; pois a volta de todos depende daquele a quem procuras matar; assim, todo o povo estará em paz.

[4] O parecer agradou a Absalão e a todos os anciãos de Israel.

[5] Disse, porém, Absalão: Chamai, agora, a Husai, o arquita, e ouçamos também o que ele dirá.

[6] Tendo Husai chegado a Absalão, este lhe falou, dizendo: Desta maneira falou Aitofel; faremos segundo a sua palavra? Se não, fala tu.

[7] Então, disse Husai a Absalão: O conselho que deu Aitofel desta vez não é bom.

2 Samúéil 17

[1]Dúirt Aichítifeil le hAibseálóm: “Lig dom dhá mhíle fear a thoghadh agus rachaidh mé sa tóir ar Dháiví anocht féin.

[2]Tiocfaidh mé suas leis agus tuirse agus lagmhisneach air; cuirfidh mé scanradh air agus teithfidh an mhuintir go léir atá ina theannta. Ní dhéanfaidh mé ach an rí féin a threascairt,

[3]agus tabharfaidh mé an pobal go léir ar ais chugat mar a thiocfadh brídeog abhaile chun a fear céile. Níl tú sa tóir ach ar anam aon duine amháin, agus beidh an chuid eile den phobal faoi shíocháin.”

[4]Thaitin an chomhairle sin le hAibseálóm agus le seanóirí Iosrael go léir.

[5]Ansin dúirt Aibseálóm: “Glaoigh ar Húisí an tAircíoch chomh maith, agus tugaimis cluas dá bhfuil le rá aige.”

[6]Nuair a tháinig Húisí go hAibseálóm, dúirt Aibseálóm leis: “Sin mar a deir Aichítifeil; an ndéanfaimid mar a deir sé? Mura ndéanfaimid, abair rud éigin tú féin.”

[7]Ansin dúirt Húisí le hAibseálóm: “An chomhairle a thug Aichítifeil an turas seo, ní maith í.”

[8] Continuou Husai: Bem conheces teu pai e seus homens e sabes que são valentes e estão enfurecidos como a ursa no campo, roubada dos seus cachorros; também teu pai é homem de guerra e não passará a noite com o povo.

[8]Lean Húisí air: “Tá a fhios agaibh gur gaiscígh iad d'athair agus a chuid fear agus go bhfuil fraoch feirge orthu faoi mar a bheadh ar bheithir fáin a sciobfaí a hál uaithi. Tá taithí ag d'athair ar chogaíocht, seachas sin; ní chaithfidh sé an oíche leis an arm.

[9] Eis que, agora, estará de espreita nalguma cova ou em qualquer outro lugar; e será que, caindo no primeiro ataque alguns dos teus, cada um que o ouvir dirá: Houve derrota no povo que segue a Absalão.

[9]Féach, anois féin tá sé imithe i bhfolach in uaimh éigin nó i mball éigin eile. Má thiteann cuid dár muintir sa chéad ionsaí, an té a chloisfidh sin déarfaidh sé go bhfuil ár déanta ar an muintir a leanann Aibseálóm.

[10] Então, até o homem valente, cujo coração é como o de leões, sem dúvida desmaiará; porque todo o Israel sabe que teu pai é herói e que homens valentes são os que estão com ele.

[10]Ansin titfidh an lug ar an lag fiú ag lucht an chroí mar leon. Tá a fhios ag Iosrael go léir gur gaiscíoch é d'athair agus gur laochra iad an dream atá ina theannta.

[11] Eu, porém, aconselho que a toda pressa se reúna a ti todo o Israel, desde Dã até Berseba, em multidão como a areia do mar; e que tu em pessoa vás no meio deles.

[11]Sé mo chomhairlese duit: Iosrael go léir ó Dhán go Béar Seaba a thionól i do thimpeall, agus iad chomh líonmhar le gaineamh na trá: agus tú féin a dhul chun catha chomh maith.

[12] Então, iremos a ele em qualquer lugar em que se achar e facilmente cairemos sobre ele, como o orvalho cai sobre a terra; ele não ficará, e nenhum dos homens que com ele estão, nem um só.

[12]Tiocfaimid air cibé áit ina bhfuil sé le fáil; titfimid sa mhullach air faoi mar a thiteann an drúcht ar an talamh gan eisean ná aon duine ina chuideachta a fhágáil beo.

[13] Se ele se retirar para alguma cidade, todo o Israel levará cordas àquela cidade; e arrastá-la-emos até ao ribeiro, até que lá não se ache nem uma só pedrinha.

[13]Má theitheann sé isteach i gcathair, tabharfaidh Iosrael go léir téada chun na cathrach sin agus déanfaimid í a tharraingt isteach sa ghleann go dtí nach mbeidh oiread agus púróg di le fáil.”

[14] Então, disseram Absalão e todos os homens de Israel: Melhor é o conselho de

[14]Dúirt Aibseálóm agus muintir Iosrael uile ansin: “Is fearr comhairle Húisí an

Husai, o arquita, do que o de Aitofel. Pois ordenara o SENHOR que fosse dissipado o bom conselho de Aitofel, para que o mal sobreviesse contra Absalão.

tAircíoch ná comhairle Aichítifeil," óir chinn an Tiarna comhairle eagnaí Aichítifeil a chur amú agus mí-ádh a thabhairt ar Aibseálóm ar an gcaoi sin.

[15] Disse Husai a Zadoque e a Abiatar, sacerdotes: Assim e assim aconselhou Aitofel a Absalão e aos anciãos de Israel; porém assim e assim aconselhei eu.

[15]Dúirt Húisí leis na sagairt Zádóc agus Aibíátár ansin: "Thug Aichítifeil a leithéid seo agus a leithéid siúd de chomhairle d'Aibseálóm agus do sheanóirí Iosrael, ach mar seo agus mar siúd a chomhairligh mise dóibh a dhéanamh.

[16] Agora, pois, mandai avisar depressa a Davi, dizendo: Não passes esta noite nos vaus do deserto, mas passa, sem demora, ao outro lado, para que não seja destruído o rei e todo o povo que com ele está.

[16]Cuirigí scéala go Dáiví gan mhoill dá bhrí sin agus abraigí leis: 'Ná cuir fút anocht i réitigh an fhásaigh, ach gabh anonn chomh tapa agus is féidir leat nó scriosfar an rí agus an t-arm go léir in éineacht leis.' "

Faigheann Dáiví Rabhadh

[17] Estavam Jônatas e Aimaás junto a En-Rogel; e uma criada lhes dava aviso, e eles iam e diziam ao rei Davi, porque não podiam ser vistos entrar na cidade.

[17]Bhí Iónátán agus Aichímeáz ag feitheamh ag Tobar an Úcaire; bhí banseirbhíseach le dul chucu agus rabhadh a thabhairt dóibh, agus bhí siadsan le rabhadh a thabhairt don rí Dáiví mar ní ligfeadh an eagla dóibh go bhfeicfí ag dul isteach sa chathair iad.

[18] Viu-os, porém, um moço e avisou a Absalão; porém ambos partiram logo, apressadamente, e entraram em casa de um homem, em Baurim, que tinha um poço no seu pátio, ao qual desceram.

[18]Chonaic ógánach iad ámh agus d'inis an scéal d'Aibseálóm. D'imigh an bheirt leo go tapa agus thángadar go teach fir i mBachúraím; bhí tobar aigesean ina chlós agus síos leo ann.

[19] A mulher desse homem tomou uma coberta, e a estendeu sobre a boca do poço, e espalhou grãos pilados de cereais sobre ela; assim, nada se soube.

[19]Fuair an bhean brat agus leath sí é ar bhéal an tobair, agus chroith arbhar meilte air gan aon ní a fhágáil le feiceáil.

[20] Chegando, pois, os servos de Absalão à mulher, àquela casa, disseram: Onde estão Aimaás e Jônatas? Respondeu-lhes a

[20]Tháinig searbhóntaí Aibseálóm chun na mná sa teach: "Cá bhfuil Aichímeáz agus Iónátán?" ar siad. D'fhreagair an bhean:

mulher: Já passaram o vau das águas. Havendo-os procurado, sem os achar, voltaram para Jerusalém.

“D'imíodar leo ar aghaidh i dtreo an uisce.” Rinne siad cuardach dóibh ach nuair nach bhfuair siad iad d'fhill siad ar Iarúsailéim.

[21] Mal se retiraram, saíram logo os dois do poço, e foram dar aviso a Davi, e lhe disseram: Levantai-vos e passai depressa as águas, porque assim e assim aconselhou Aitofel contra vós outros.

[21]Tar éis dóibh imeacht, tháinig na fir amach as an tobar agus d'imíodar leo le rabhadh don rí Dáiví. “Imigh leat,” ar siad le Dáiví, “agus gabh anonn thar uisce gan mhoill, mar thug Aichítifeil a leithéid seo de chomhairle i do thaobh.”

[22] Então, Davi e todo o povo que com ele estava se levantaram e passaram o Jordão; quando amanheceu, já nem um só havia que não tivesse passado o Jordão.

[22]Chuir Dáiví agus a lucht leanúna go léir chun bóthair agus chuadar anonn thar Iordáin; faoi mhaidin ní raibh duine fágtha nach raibh imithe anonn thar Iordáin.

[23] Vendo, pois, Aitofel que não fora seguido o seu conselho, albardou o jumento, dispôs-se e foi para casa e para a sua cidade; pôs em ordem os seus negócios e se enforcou; morreu e foi sepultado na sepultura do seu pai.

[23]Nuair a chonaic Aichítifeil nár leanadh a chomhairle, chuir sé an diallait ar a asal agus d'imigh leis abhaile dá chathair féin. Ansin chuir sé cúraimí a thí in ord agus chroch sé é féin agus fuair sé bás. Adhlacadh é i dtuama a athar.

Buaitear ar Aibseálóm

[24] Davi chegou a Maanaim. Absalão, tendo passado o Jordão com todos os homens de Israel,

[24]Bhí Dáiví tagtha chomh fada le Machanáím, ach ar ghabh Aibseálóm thar Iordáin agus fir Iosrael in éineacht leis.

[25] constituiu a Amasa em lugar de Joabe sobre o exército. Era Amasa filho de certo homem chamado Itra, o ismaelita, o qual se deitara com Abigail, filha de Naás, e irmã de Zeruia, mãe de Joabe.

[25]Chuir Aibseálóm Amásá i gceannas an airm ar fad in áit Ióáb. Mac le duine darb ainm Itreá an tÍsméileach a bhí pósta le Aibíogáil iníon [Ieise], deirfiúr Zarúá, máthair Ióáb, ab ea an tAmásá seo.

[26] Israel, pois, e Absalão acamparam-se na terra de Gileade.

[26]Shuigh Iosrael agus Aibseálóm a longfort i gcríocha Ghileád.

A vitória do exército de Davi sobre o de Absalão

[27] Tendo Davi chegado a Maanaim, Sobi, filho de Naás, de Rabá, dos filhos de

[27]Nuair a shroich Dáiví Machanáím, thug Siobaí mac Nácháis ó Rabá na nAmónach,

Amom, e Maquir, filho de Amiel, de Lo-Debar, e Barzilai, o gileadita, de Rogelim,
[28] tomaram camas, bacias e vasilhas de barro, trigo, cevada, farinha, grãos torrados, favas e lentilhas;
[29] também mel, coalhada, ovelhas e queijos de gado e os trouxeram a Davi e ao povo que com ele estava, para comerem, porque disseram: Este povo no deserto está faminto, cansado e sedento.

Mácaír mac Aimiael ó Ló Dabár, agus Bairzilí an Gileádach ó Rogailím -
[28]thugadarsan tochtanna, báisíní, crúscaí cré, cruithneacht, eorna, min, grán, pónairí, lintilí,

[29]mil, gruth, caoirigh, cáis agus daimh, go Dáiví agus a lucht leanúna le hithe. “Mar,” a dúradar, “tá ocras agus tuirse agus tart ar an slua san fhásach.”

2 Samuel 18

[1] Contou Davi o povo que tinha consigo e pôs sobre eles capitães de mil e capitães de cem.

[2] Davi enviou o povo: um terço sob o comando de Joabe, outro terço sob o de Abisai, filho de Zeruia e irmão de Joabe, e o outro terço sob o de Itai, o geteu. Disse o rei ao povo: Eu também sairei convosco.

[3] Respondeu, porém, o povo: Não sairás, porque, se formos obrigados a fugir, não se importarão conosco, nem ainda que metade de nós morra, pois tu vales por dez mil de nós. Melhor será que da cidade nos prestes socorro.

[4] Tornou-lhes Davi: O que vos agradar, isso farei. Pôs-se o rei ao lado da porta, e todo o povo saiu a centenas e a milhares.

[5] Deu ordem o rei a Joabe, a Abisai e a Itai, dizendo: Tratai com brandura o jovem Absalão, por amor de mim. Todo o povo

2 Samúéil 18

[1]Ansin chuir Dáiví tionól ar na sluaite a bhí ina theannta, agus cheap ceannairí mílte agus ceannairí céadta orthu.
[2]Rinne Dáiví an t-arm [a roinnt ina thrí bhuíon], buíon faoi cheannas Ióáb, buíon faoi cheannas Aibísí, mac Zarúá, dearthái Ióáb, agus buíon faoi cheannas Iotaí an Giteach. Ansin dúirt an rí leis na sluaite: “Máirseálfaidh mé féin cois ar chois libh.”
[3]Ach d'fhreagair na fir: “Ná téighse amach. Má chuirtear an teitheadh orainn, is cuma leo fúinn; agus má mharaítear leath againn, is cuma leo fúinn. Ach tusa! is fiú deich míle dínn thusa! Dá bhrí sin is fearr thusa a bheith ullamh le fóirithint orainn ón gcathair.”
[4]Dúirt an rí leo: “Déanfaidh mé mar is fearr is dóigh libh.” Sheas an rí mar sin láimh leis an ngeata nuair a ghluais na saighdiúirí amach ina gcéadta agus ina mílte.
[5]Thug an rí ordú do Ióáb, d'Aibísí agus d'Iotaí: “Ná bígí dian ar an ógánach Aibseálóm, ar mo shonsa.”

ouviu quando o rei dava a ordem a todos os capitães acerca de Absalão.

[6] Saiu, pois, o povo ao campo, a encontrar-se com Israel, e deu-se a batalha no bosque de Efraim.

[7] Ali, foi o povo de Israel batido diante dos servos de Davi; e, naquele mesmo dia, houve ali grande derrota, com a perda de vinte mil homens.

[8] Porque aí se estendeu a batalha por toda aquela região; e o bosque, naquele dia, consumiu mais gente do que a espada.

A morte de Absalão

[9] Indo Absalão montado no seu mulo, encontrou-se com os homens de Davi; entrando o mulo debaixo dos ramos espessos de um carvalho, Absalão, preso nele pela cabeça, ficou pendurado entre o céu e a terra; e o mulo, que ele montava, passou adiante.

[10] Vendo isto um homem, fez saber a Joabe e disse: Vi Absalão pendurado num carvalho.

[11] Então, disse Joabe ao homem que lho fizera saber: Viste-o! Por que logo não o feriste ali, derrubando-o por terra? E forçoso me seria dar-te dez moedas de prata e um cinto.

[12] Disse, porém, o homem a Joabe: Ainda que me pesassem nas mãos mil moedas de prata, não estenderia a mão contra o filho do rei, pois bem ouvimos que o rei te deu

[6]Ghabh na sluaite amach go páirc an chatha ar an gcuma sin in aghaidh Iosrael agus fearadh an cath i bhForaois Eafráim.

[7]Bhris lucht leanúna Dháiví ar arm Iosrael, agus rinneadh ár agus eirleach an lá sin, agus thit fiche míle fear;

[8]agus leath an cath ar fud na dúiche go léir, agus shlog an fhoraois níos mó an lá sin ná mar a mharaigh an claíomh.

Bás Aibseálóm

[9]Tharla d'Aibseálóm gur bhuail sé le cuid de lucht leanúna Dháiví. Bhí Aibseálóm ag marcaíocht ar mhiúil agus bhí an mhiúil ag dul faoi chraobhacha tiubha crainn mhóir darach. Chuaigh ceann Aibseálóm i bhfostú sa chrann darach agus fágadh ar crochadh idir spéir agus talamh é - ach an mhiúil a raibh sé ag marcaíocht uirthi, lean sí uirthi.

[10]Chonaic duine éigin é seo agus thug sé an scéal do Ióáb: “Féach! chonaic mé Aibseálóm,” ar seisean, “agus é ar crochadh ó chrann darach.”

[11]Dúirt Ióáb leis an té a thug an scéala dó: “Agus má chonaic tú é, cén fáth nár leag tú ar lár ar an toirt é? Thabharfainnse féin, le fonn, deich seicil airgid duit, agus crios chomh maith.”

[12]“Fág go mbraithfinn meáchan míle seicil airgid ar mo ghlaic ní shínfinn mo lámh in aghaidh mhac an rí. Óir thug an rí i gcomhchlos dúinne, ordú duitse, d'Aibísí

ordem a ti, a Abisai e a Itai, dizendo: Guardai-me o jovem Absalão.
[13] Se eu tivesse procedido traiçoeiramente contra a vida dele, nada disso se esconderia ao rei, e tu mesmo te oporias.
[14] Então, disse Joabe: Não devo perder tempo, assim, contigo. Tomou três dardos e traspassou com eles o coração de Absalão, estando ele ainda vivo no meio do carvalho.
[15] Cercaram-no dez jovens, que levavam as armas de Joabe, e feriram a Absalão, e o mataram.
[16] Então, tocou Joabe a trombeta, e o povo voltou de perseguir a Israel, porque Joabe deteve o povo.
[17] Levaram Absalão, e o lançaram no bosque, numa grande cova, e levantaram sobre ele mui grande montão de pedras; todo o Israel fugiu, cada um para a sua casa.

[18] Ora, Absalão, quando ainda vivia, levantara para si uma coluna, que está no vale do Rei, porque dizia: Filho nenhum tenho para conservar a memória do meu nome; e deu o seu próprio nome à coluna; pelo que até hoje se chama o Monumento de Absalão.

Davi chora amargamente a morte de Absalão

[19] Então, disse Aimaás, filho de Zadoque: Deixa-me correr e dar notícia ao rei de que já o SENHOR o vingou do poder de seus inimigos.
[20] Mas Joabe lhe disse: Tu não serás, hoje, o portador de novas, porém outro dia o

agus d'Iotaí: 'Déanaigí anacal anama ar Aibseálóm ar mo shonsa.'
[13]Ach dá ndéanfainn feall, agus m'anam a chur i mbaol - níl aon ní i bhfolach ar an rí - ní ardófá méar ar mhaithe liom."
[14]Ansin dúirt Ióáb leis: "Ní bheidh mé ag meilt ama mar seo leat," agus rug sé ar thrí shleá ina láimh agus sháigh sé i gcroí Aibseálóm iad agus é beo fós ansiúd ar an gcrann darach.
[15]Ansin tháinig deichniúr ógánach, lucht iompair airm Ióáb timpeall ar Aibseálóm, agus bhuail siad é agus mharaigh.
[16]Ansin shéid Ióáb an stoc agus d'fhill na saighdiúirí ar ais ón tóir ar Iosrael mar gur choisc Ióáb iad.
[17]Thógadar Aibseálóm leo agus chaitheadar síos isteach i bpoll mór san fhoraois é agus thógadar carn mór os a leacht. Agus theith Iosrael go léir, gach duine chun a bhaile féin.
[18]Agus é fós ina bheatha, rinne Aibseálóm an gallán atá i nGleann an Rí a roghnú agus a chur ina sheasamh i gcuimhne air féin. "Táim gan mac," ar sé, "a choimeádfadh cuimhne m'ainm beo." Bhí a ainm tugtha aige ar an ngallán, agus tugtar Gallán Aibseálóm air go dtí an lá inniu féin.

Drochscéala do Dháiví

[19]Ansin dúirt Aichímeáz mac Zádóc: "Caithfidh mé rith agus a rá leis an rí gur fhuascail an Tiarna é ó láimh a naimhde."
[20]Ach dúirt Ióáb: "Ní bheifeá i do theachtaire dea-scéala inniu; ach beidh tú

serás; hoje, não darás a nova, porque é morto o filho do rei.

[21] Disse Joabe ao etíope: Vai tu e dize ao rei o que viste. Inclinou-se a Joabe e correu.

[22] Prosseguiu Aimaás, filho de Zadoque, e disse a Joabe: Seja o que for, deixa-me também correr após o etíope. Disse Joabe: Para que, agora, correrias tu, meu filho, pois não terás recompensa das novas?

[23] Seja o que for, tornou Aimaás, correrei. Então, Joabe lhe disse: Corre. Aimaás correu pelo caminho da planície e passou o etíope.

[24] Davi estava assentado entre as duas portas da entrada; subiu a sentinela ao terraço da porta sobre o muro e, levantando os olhos, viu que um homem chegava correndo só.

[25] Gritou, pois, a sentinela e o disse ao rei. O rei respondeu: Se vem só, traz boas notícias. E vinha andando e chegando.

[26] Viu a sentinela outro homem que corria; então, gritou para a porta e disse: Eis que vem outro homem correndo só. Então, disse o rei: Também este traz boas-novas.

[27] Disse mais a sentinela: Vejo o correr do primeiro; parece ser o correr de Aimaás, filho de Zadoque. Então, disse o rei: Este homem é de bem e trará boas-novas.

lá éigin eile; ach ní bheidh dea-scéala agat dó inniu, mar tá mac an rí marbh."

[21]Ansin dúirt Ióáb leis an gCúiseach: "Imigh leat agus inis don rí a bhfaca tú." D'umhlaigh an Cúiseach do Ióáb agus rith leis.

[22]Ach lean Aichímeáz mac Zádóc air: "Cibé a tharlóidh," ar sé le Ióáb, "caithfidh mise rith i ndiaidh an Chúisigh." "Cad ab áil leat ag rith, a mhic ó? Ní bheidh aon ní agat de bharr do scéala."

[23]"Cibé a tharlóidh," ar sé, "caithfidh mé rith." "Rith leat, más ea," arsa Ióáb. Ansin rith Aichímeáz leis bealach an mhachaire agus fuair sé an tosach ar an gCúiseach.

[24]Bhí Dáiví ina shuí idir an dá gheata. Bhí an fear faire tar éis dul suas go dtí díon an gheata, ag an mballa; ag ardú a shúl dó d'fhéach sé agus chonaic fear ag rith leis féin.

[25]Scairt an fear faire agus d'inis sé sin don rí. Dúirt an rí: "Má tá sé leis féin, tá scéala le hinsint aige." Nuair a dhruid an fear níos cóngaraí fós agus é á bhaint as na bonna,

[26]chonaic an fear faire fear eile ag rith; agus scairt an fear faire [ar bharr] an gheata: "Seo fear eile chugainn ag rith leis féin!" D'fhreagair an rí: "Tá scéala aige sin chomh maith."

[27]"Is dóigh liom go ritheann an chéad fhear mar a ritheann Aichímeáz mac Zádóc," arsan fear faire. "Fear maith eisean," arsan rí, "agus tá dea-scéala leis."

[28] Gritou Aimaás e disse ao rei: Paz! Inclinou-se ao rei, com o rosto em terra, e disse: Bendito seja o SENHOR, teu Deus, que nos entregou os homens que levantaram a mão contra o rei, meu senhor.

[29] Então, perguntou o rei: Vai bem o jovem Absalão? Respondeu Aimaás: Vi um grande alvoroço, quando Joabe mandou o teu servo, ó rei, porém não sei o que era.

[30] Disse o rei: Põe-te ao lado e espera aqui. Ele se pôs e esperou.

[31] Chegou o etíope e disse: Boas-novas ao rei, meu senhor. Hoje, o SENHOR te vingou do poder de todos os que se levantaram contra ti.

[32] Então, disse o rei ao etíope: Vai bem o jovem Absalão? Respondeu o etíope: Sejam como aquele os inimigos do rei, meu senhor, e todos os que se levantam contra ti para o mal.

[33] Então, o rei, profundamente comovido, subiu à sala que estava por cima da porta e chorou; e, andando, dizia: Meu filho Absalão, meu filho, meu filho Absalão! Quem me dera que eu morrera por ti, Absalão, meu filho, meu filho!

[28]Tháinig Aichímeáz i láthair an rí: “Bail ó Dhia ort!” ar sé, agus shléacht don rí agus chrom go talamh roimhe. “Moladh leis an Tiarna, do Dhia,” ar sé, “mar gur thug sé ar láimh an mhuintir a shín a lámh in aghaidh mo thiarna an rí.”

[29]“An bhfuil an scéal go maith ag Aibseálóm óg?” d'fhiafraigh an rí. “Nuair a sheol Ioáb uaidh do shearbhónta, chonaic mé círéib mhór, ach níl a fhios agam cad a bhí i gceist.”

[30]Dúirt an rí: “Téigh i leataobh agus seas ansin.” Chuaigh sé i leataobh agus d'fhan ina sheasamh.

[31]Ansin tháinig an Cúiseach i láthair. “Dea-scéala do mo thiarna an rí!” arsa an Cúiseach. “Rinne an Tiarna thú a fhuascailt inniu ó láimh gach duine a rinne ceannairc i d'aghaidh.”

[32]“An bhfuil an scéal go maith ag Aibseálóm óg?” d'fhiafraigh an rí den Chúiseach. D'fhreagair sé siúd: “An bhail atá ar an ógánach sin, go raibh sé ar naimhde mo thiarna an rí, agus orthu siúd uile a rinne d'aimhleas lena gceannairc.”

2 Samúéil 19

Caoineann Dáiví Aibseálóm

[1] Tháinig ballchrith ar an rí. Chuaigh sé suas chuig an seomra os cionn an gheata agus bhris an gol air. Ar seisean agus é ag caoineadh: “A Aibseálóm, a mhic, a mhaicín liom, a Aibseálóm, a mhic liom, faraor gan mise marbh i d'áit, a Aibseálóm, a mhaicín, a mhaicín.”

2 Samuel 19

Joabe reprova a Davi

[1] Disseram a Joabe: Eis que o rei anda chorando e lastima-se por Absalão.

[2] Então, a vitória se tornou, naquele mesmo dia, em luto para todo o povo; porque, naquele dia, o povo ouvira dizer: O rei está de luto por causa de seu filho.

[3] Naquele mesmo dia, entrou o povo às furtadelas na cidade, como o faz quando foge envergonhado da batalha.

[4] Tendo o rei coberto o rosto, exclamava em alta voz: Meu filho Absalão, Absalão, meu filho, meu filho!

[5] Então, Joabe entrou na casa do rei e lhe disse: Hoje, envergonhaste a face de todos os teus servos, que livraram, hoje, a tua vida, e a vida de teus filhos, e de tuas filhas, e a vida de tuas mulheres, e de tuas concubinas,

[6] amando tu os que te aborrecem e aborrecendo aos que te amam; porque, hoje, dás a entender que nada valem para contigo príncipes e servos; porque entendo, agora, que, se Absalão vivesse e todos nós, hoje, fôssemos mortos, então, estarias contente.

[7] Levanta-te, agora, sai e fala segundo o coração de teus servos. Juro pelo SENHOR que, se não saíres, nem um só homem ficará contigo esta noite; e maior mal te será isto do que todo o mal que tem vindo sobre ti desde a tua mocidade até agora.

[2] Tugadh scéala chuig Ióáb: “Tá an rí ag caoineadh Aibseálóm agus ag mairgneach faoi.”

[3] Agus d'iompaigh bua an lae sin chun dóláis do na saighdiúirí go léir, óir fuair siad amach an lá sin go raibh an rí ag caoineadh a mhic.

[4] Agus d'fhill na saighdiúirí abhaile go fáilí an lá sin, mar a dhéanann saighdiúirí le barr náire, nuair a theitheann siad ón gcath.

[5] Chuir an rí brat ar a ghnúis agus bhí ag gol go fuíoch: “A Aibseálóm, a mhic liom, a Aibseálóm, a mhic, a mhaicín liom.”

[6] Ansin chuaigh Ióáb isteach sa teach chun an rí agus dúirt: “Tá náire shaolta á cur agat ar do shearbhóntaí go léir inniu agus gur shaor siad ón mbás inniu thú féin agus do chlann mhac agus iníonacha, agus do mhná agus do leannáin chomh maith;

[7] óir tugann tú grá don mhuintir a thugann fuath duit, agus fuath don mhuintir a thugann grá duit. Thaispeain tú inniu gur bheag é do mheas ar cheannairí nó ar shearbhóntaí; mar is léir dom anois dá mbeadh Aibseálóm beo inniu agus sinn uile marbh, go mbeifeá sásta.

[8] Bí i do shuí, más ea, agus bí amuigh agus tabhair misneach do do shaighdiúirí; mar mura ndéanann tú, tugaim an leabhar dar an Tiarna nach bhfanfaidh fear farat anocht. Agus is measa a rachaidh sin de

8 Então, o rei se levantou e se assentou à porta, e o fizeram saber a todo o povo, dizendo: Eis que o rei está assentado à porta. Veio, pois, todo o povo apresentar-se diante do rei. Ora, Israel havia fugido, cada um para a sua tenda.

9 Todo o povo, em todas as tribos de Israel, andava altercando entre si, dizendo: O rei nos tirou das mãos de nossos inimigos, livrou-nos das mãos dos filisteus e, agora, fugiu da terra por causa de Absalão.

10 Absalão, a quem ungimos sobre nós, já morreu na peleja; agora, pois, por que vos calais e não fazeis voltar o rei?

Davi volta para Jerusalém

11 Então, o rei Davi mandou dizer a Zadoque e a Abiatar, sacerdotes: Falai aos anciãos de Judá: Por que seríeis vós os últimos em tornar a trazer o rei para a sua casa, visto que aquilo que todo o Israel dizia já chegou ao rei, até à sua casa?

12 Vós sois meus irmãos, sois meu osso e minha carne; por que, pois, seríeis os últimos em tornar a trazer o rei?

13 Dizei a Amasa: Não és tu meu osso e minha carne? Deus me faça o que lhe aprouver, se não vieres a ser para sempre

thubaiste duit ná gach ar tháinig sa mhullach ort ó d'óige go dtí seo.”

9 D'éirigh an rí ansin, agus chuaigh agus shuigh ina chathaoir ag an ngeata. Chuala na saighdiúirí go léir an scéala gan mhoill. “Tá an rí,” ar siad, “ina chathaoir ag na ngeata.” Agus chruinnigh an pobal go léir i láthair an rí.

Filleann Dáiví

Theith Iosrael go léir, gach fear chun a bhaile féin.

10 Bhí cách i measc treibheanna Iosrael go léir ag aighneas: “D'fhuascail an rí sinn,” a deiridís, “ó chumhacht ar naimhde; shaor sé sinn ó lámha na bhFilistíneach; agus anois cuireadh an teitheadh air féin roimh Aibseálóm.

11 Agus sin é Aibseálóm, an té a rinneamar a ungadh mar rí orainn, agus é marbh sa chath. Cén fáth, más ea, gan aon ní á rá agaibh faoin rí a thabhairt ar ais?”

12 Nuair a fuair an rí gaoth an fhocail faoina raibh á rá ar fud Iosrael, chuir sé - Dáiví rí - scéala go dtí na sagairt Zádóc agus Aibíátár: “Abraigí le seanóirí Iúdá: ‘Cén fáth gur sibhse a bheadh ar deireadh ag tabhairt an rí abhaile?

13 Sibhse mo bhráithre, sibhse m'fhuil agus m'fheoil féin; cén fáth, más ea, gur sibh a bheadh ar deireadh ag tabhairt an rí abhaile? ’

14 Agus abraigí le hAmásá chomh maith: ‘Nach tú m'fhuil agus m'fheoil féin? Go ndéana Dia seo agus siúd eile liom mura

comandante do meu exército, em lugar de Joabe.

[14] Com isto moveu o rei o coração de todos os homens de Judá, como se fora um só homem, e mandaram dizer-lhe: Volta, ó rei, tu e todos os teus servos.

[15] Então, o rei voltou e chegou ao Jordão; Judá foi a Gilgal, para encontrar-se com o rei, a fim de fazê-lo passar o Jordão.

Simei encontra-se com Davi

[16] Apressou-se Simei, filho de Gera, benjamita, que era de Baurim, e desceu com os homens de Judá a encontrar-se com o rei Davi.

[17] E, com ele, mil homens de Benjamim, como também Ziba, servo da casa de Saul, acompanhado de seus quinze filhos e seus vinte servos, e meteram-se pelo Jordão à vista do rei

[18] e o atravessaram, para fazerem passar a casa real e para fazerem o que lhe era agradável. Então, Simei, filho de Gera, prostrou-se diante do rei, quando este ia passar o Jordão,

[19] e lhe disse: Não me imputes, senhor, a minha culpa e não te lembres do que tão perversamente fez teu servo, no dia em que o rei, meu senhor, saiu de Jerusalém; não o conserves, ó rei, em teu coração.

[20] Porque eu, teu servo, deveras confesso que pequei; por isso, sou o primeiro que, de toda a casa de José, desci a encontrar-me com o rei, meu senhor.

tú a bheidh mar cheann feadhna agam as seo amach in áit Ióáb.' "

[15] Agus mheall sé chuige croí fhir Iúdá go léir, agus iad ar aon aigne; chuireadar teachtaireacht go dtí an rí á rá: "Fill ar ais, thú féin agus do shearbhóntaí go léir."

[16] D'fhill an rí ar ais dá bhrí sin go dtí an Iordáin. Agus tháinig Iúdá go Gilgeál le bualadh leis an rí chun é a thionlacan anall thar Iordáin.

[17]Bhrostaigh Simeí mac Ghéará an Biniáimineach ó Bhachúraím anuas le fir Iúdá le bualadh le Dáiví rí.

[18] Bhí míle fear ó Bhiniáimin in éineacht leis. Zíbeá, searbhónta theaghlach Shóil, agus a chúigear mac déag, agus fiche seirbhíseach, shroich siad an Iordáin roimh an rí,

[19] agus rinne siad cion fir ag iompar teaghlach an rí anall thar áth, agus ag déanamh cibé rud ba mhian leis. Ag gabháil thar Iordáin don rí, chaith Simeí mac Ghéara é féin ag a chosa

[20] agus dúirt leis an rí: "Ná cuireadh mo thiarna éagóir i mo leith; ná cuimhnigh ar an gcoir a rinne do shearbhónta an lá a d'fhág mo thiarna an rí Iarúsailéim. Caitheadh an rí as a aigne í.

[21] Óir is eol do do shearbhónta gur pheacaigh sé; seo anseo mé dá réir sin inniu, ar an gcéad duine de theaghlach Iósaef ar fad ag teacht anuas agus ag bualadh le mo thiarna an rí."

[21] Então, respondeu Abisai, filho de Zeruia, e disse: Não morreria, pois, Simei por isto, havendo amaldiçoado ao ungido do SENHOR?

[22] Porém Davi disse: Que tenho eu convosco, filhos de Zeruia, para que, hoje, me sejais adversários? Morreria alguém, hoje, em Israel? Pois não sei eu que, hoje, novamente sou rei sobre Israel?

[23] Então, disse o rei a Simei: Não morrerás. E lho jurou.

Mefibosete encontra-se com Davi

[24] Também Mefibosete, filho de Saul, desceu a encontrar-se com o rei; não tinha tratado dos pés, nem espontado a barba, nem lavado as vestes, desde o dia em que o rei saíra até ao dia em que voltou em paz.

[25] Tendo ele chegado a Jerusalém a encontrar-se com o rei, este lhe disse: Por que não foste comigo, Mefibosete?

[26] Ele respondeu: Ó rei, meu senhor, o meu servo me enganou; porque eu, teu servo, dizia: albardarei um jumento e montarei para ir com o rei; pois o teu servo é coxo.

[27] Demais disto, ele falsamente me acusou a mim, teu servo, diante do rei, meu senhor; porém o rei, meu senhor, é como um anjo de Deus; faze, pois, o que melhor te parecer.

[28] Porque toda a casa de meu pai não era senão de homens dignos de morte diante do rei, meu senhor; contudo, puseste teu

[22] Ansin labhair Aibísí mac Zarúá amach: “Nach gcuirfear Simeí chun báis de bhrí gur chuir sé a mhallacht ar ungthach an Tiarna?”

[23] “Céard é seo atá eadrainn, a mhaca Zarúá,” arsa Dáiví, “a rá is go mbeadh sibh inniu mar namhaid agam? Arbh fhéidir aon duine a chur chun báis in Iosrael ar a leithéid seo de lá? Nach inniu is eol dom go dearfa gur rí mé ar Iosrael?”

[24] Dúirt an rí le Simeí: “Ní chuirfear chun báis thú,” agus thug sé a mhionn dó.

Dáiví á Thionlacan

[25] Ghabh Meirí Bál mac Shóil síos chomh maith in araicis an rí. Níor chuir seisean coisbheart ar chois leis, níor bhearr a fhéasóg, ná níor nigh a chuid éadaigh ón lá d'fhág an rí go dtí gur fhill sé ar ais faoi shíocháin.

[26]Nuair a tháinig sé ó Iarúsailéim in araicis an rí, d'fhiafraigh an rí de: “Cén fáth nár tháinig tú liom, a Mheirí Bál?”

[27] “A thiarna, mo rí,” ar sé, “mheall mo sheirbhíseach mé; mar dúirt do shearbhónta leis: ‘Cuir an diallait ar an asal dom, go rachaidh mé in airde air agus imeacht leis an rí, ’ mar tá do shearbhónta bacach.

[28] Rinne sé do shearbhónta a chúlghearradh i láthair mo thiarna an rí. Ach is cuma nó aingeal Dé mo thiarna an rí. Déan dá bhrí sin mar is fearr a fheictear duit.

[29] Ní raibh tuillte ó láimh mo thiarna an rí ag muintir m'athar ar fad ach an bás; ach dá ainneoin sin, chuir tú do shearbhónta i

servo entre os que comem à tua mesa; que direito, pois, tenho eu de clamar ao rei?

measc na muintire a shuíonn chun ithe ag do bhord féin. Cén ceart atá agamsa a thuilleadh fós a lorg ar an rí?"

[29] Respondeu-lhe o rei: Por que ainda falas dos teus negócios? Resolvo que repartas com Ziba as terras.

[30] "Cad ab áil leat ag trácht a thuilleadh ar do ghnóthaí?" arsan rí. "Tá sé socair agam go roinnfear an talamh idir thú agus Zíbeá."

[30] Disse Mefibosete ao rei: Fique ele, muito embora, com tudo, pois já voltou o rei, meu senhor, em paz à sua casa.

[31] "Bíodh sé go léir aigesean," arsa Meirí Bál leis an rí, "ón uair gur tháinig mo thiarna an rí abhaile slán folláin."

Barzilai encontra-se com Davi

[31] Também Barzilai, o gileadita, desceu de Rogelim e passou com o rei o Jordão, para o acompanhar até ao outro lado.

[32] Tháinig Bairzilí an Gileádach anuas ó Rogailím agus d'fhan sé in éineacht leis an rí á thionlacan thar an Iordáin.

[32] Era Barzilai mui velho, da idade de oitenta anos; ele sustentara o rei quando este estava em Maanaim, porque era homem mui rico.

[33] Bhí aois mhór ag Bairzilí; bhí sé ceithre fichid bliain, agus is é a sholáthraigh bia don rí le linn dó a bheith i Machanáím mar gurbh fhear an-saibhir é.

[33] Disse o rei a Barzilai: Vem tu comigo, e te sustentarei em Jerusalém.

[34] "Tar liomsa," arsan rí le Bairzilí, "agus déanfaidh mé soláthar do [do sheanaois] in Iarúsailéim in éineacht liomsa."

[34] Respondeu Barzilai ao rei: Quantos serão ainda os dias dos anos da minha vida? Não vale a pena subir com o rei a Jerusalém.

[35] Ach dúirt Bairzilí leis an rí: "An iomaí bliain atá fágtha fós agam le caitheamh a rá is go rachainn suas go Iarúsailéim leis an rí?

[35] Oitenta anos tenho hoje; poderia eu discernir entre o bom e o mau? Poderia o teu servo ter gosto no que come e no que bebe? Poderia eu mais ouvir a voz dos cantores e cantoras? E por que há de ser o teu servo ainda pesado ao rei, meu senhor?

[36] Táim ceithre fichid bliain d'aois anois; an n-aithneoinn só thar anó? An bhfaighimse, do shearbhónta, blas ar bhia nó ar dheoch? An dtabharfainn cluas fós do ghuth na bhfear nó na mban ag canadh? Cén fáth a mbeadh do shearbhónta ina ualach breise ar mo thiarna an rí?

[36] Com o rei irá o teu servo ainda um pouco além do Jordão; por que há de me retribuir o rei com tal recompensa?

[37] Ní dhéanfaidh do shearbhónta ach dul thar Iordáin anonn beagán leis an rí; cén

37 Deixa voltar o teu servo, e morrerei na minha cidade e serei sepultado junto de meu pai e de minha mãe; mas eis aí o teu servo Quimã; passe ele com o rei, meu senhor, e faze-lhe o que bem te parecer.

38 Respondeu o rei: Quimã passará comigo, e eu lhe farei como for do teu agrado e tudo quanto desejares de mim eu te farei.

39 Havendo, pois, todo o povo passado o Jordão e passado também o rei, este beijou a Barzilai e o abençoou; e ele voltou para sua casa.

40 Dali, passou o rei a Gilgal, e Quimã passou com ele; todo o povo de Judá e metade do povo de Israel acompanharam o rei.

41 Eis que todos os homens de Israel vieram ter com o rei e lhe disseram: Por que te furtaram nossos irmãos, os homens de Judá, e conduziram o rei, e a sua casa através do Jordão, e todos os homens de Davi com eles?

42 Então, responderam todos os homens de Judá aos homens de Israel: Porque o rei é nosso parente; por que, pois, vos irais por isso? Porventura, comemos à custa do rei ou nos deu algum presente?

fáth go dtabharfadh an rí a leithéid de luach saothair dom?

38 Lig do do shearbhónta, le do thoil, filleadh ar ais le bás a fháil i mo chathair féin, taobh le huaigh m'athar agus mo mháthar. Ach seo é do shearbhónta Ciomchám; téadh seisean anonn le mo thiarna an rí; déan leis mar is dóigh leat is ceart.”

39 Dúirt an rí: “Téadh Ciomchám liom dá bhrí sin; cuirfidh mé cóir air mar is mian leat, agus aon ní a lorgóidh tú déanfaidh mé dó ar do shonsa.”

40 Ghabh an pobal go léir thar Iordáin ansin, agus ghabh an rí chomh maith; thug an rí póg do Bhairzilí agus chuir a bheannacht air, agus d'fhill seisean ar a bhaile féin.

41 Chuaigh an rí ar aghaidh go Gilgeál agus d'fhan Ciomchám in éineacht leis. Rinne muintir Iúdá go léir, agus leath mhuintir Iosrael chomh maith, an rí a thionlacan ar an tslí.

Aighneas

42 Ansin tháinig fir Iosrael go léir go dtí an rí. D'fhiafraíodar den rí: “Cén fáth ar sciob ár mbráithre, fir Iúdá, chun siúil thú agus an rí agus a theaghlach a thabhairt thar Iordáin, agus fir Dháiví go léir in éineacht leis?”

43 Thug fir Iúdá go léir freagra ar fhir Iosrael; “Mar gur gaire é gaol an rí linne. Cén fáth mar sin a bhfuil fearg oraibh ina thaobh seo? Ar chaitheamar bia ar chostas an rí? Ar thug sé bronntanas ar bith dúinn?”

[43] Responderam os homens de Israel aos homens de Judá e disseram: Dez tantos temos no rei, e mais a nós nos toca Davi do que a vós outros; por que, pois, fizestes pouco caso de nós? Não foi a nossa palavra a primeira para fazer voltar o nosso rei? Porém a palavra dos homens de Judá foi mais dura do que a palavra dos homens de Israel.

[44]D'fhreagair fir Iosrael fir Iúdá: "Tá deich gcuid againn sa rí; agus is sinsearaí sinn ná sibhse chomh maith. Cén fáth ar thug sibh tarcaisne dúinn? Nach sinn is túisce a labhair faoinár rí a thabhairt ar ais?" Ach ba fhíochmhaire caint fhir Iúdá ná caint fhir Iosrael.

2 Samuel 20

A sedição de Seba e a sua morte

[1] Então, se achou ali, por acaso, um homem de Belial, cujo nome era Seba, filho de Bicri, homem de Benjamim, o qual tocou a trombeta e disse: Não fazemos parte de Davi, nem temos herança no filho de Jessé; cada um para as suas tendas, ó Israel.

[2] Então, todos os homens de Israel se separaram de Davi e seguiram Seba, filho de Bicri; porém os homens de Judá se apegaram ao seu rei, conduzindo-o desde o Jordão até Jerusalém.

[3] Vindo, pois, Davi para sua casa, a Jerusalém, tomou o rei as suas dez concubinas, que deixara para cuidar da casa, e as pôs em custódia, e as sustentou, porém não coabitou com elas; e estiveram encerradas até ao dia em que morreram, vivendo como viúvas.

[4] Disse o rei a Amasa: Convoca-me, para dentro de três dias, os homens de Judá e apresenta-te aqui.

2 Samúéil 20

[1]Tharla go raibh ropaire ansiúd darbh ainm Seaba mac Bhicrí, Biniáimineach; shéid sé an stoc agus dúirt: "Níl cuid againn i nDáiví, Níl oidhreacht againn i mac Ieise; téadh cách chun a bhotha, a Iosrael."

[2]Agus thréig fir Iosrael go léir Dáiví agus lean siad Seaba mac Bhicrí; ach lean fir Iúdá go dlúth den rí ar an mbealach ón Iordáin go Iarúsailéim.

[3]Agus tháinig Dáiví go dtí a phálás i Iarúsailéim. Agus thóg sé an deichniúir leannán a d'fhág sé i bhfeighil an pháláis agus chuir sé i dteach faoi gharda iad. Rinne sé soláthar bia agus beatha dóibh, ach níor luigh sé leo a thuilleadh. Bhíodar faoi ghlas go lá a mbáis, ag maireachtáil amhail baintreacha.

Maraítear Amásá

[4]Dúirt an rí le hAmásá: "Cuir gairm ar fhir Iúdá chugam faoi cheann trí lá agus bíse féin anseo chomh maith."

[5] Partiu Amasa para convocar os homens de Judá; porém demorou-se além do tempo que lhe fora aprazado.

[6] Então, disse Davi a Abisai: Mais mal, agora, nos fará Seba, o filho de Bicri, do que Absalão; pelo que toma tu os servos de teu senhor e persegue-o, para que não ache para si cidades fortificadas e nos escape.

[7] Então, o perseguiram os homens de Joabe, a guarda real e todos os valentes; estes saíram de Jerusalém para perseguirem Seba, filho de Bicri.

[8] Chegando eles, pois, à pedra grande que está junto a Gibeão, Amasa veio perante eles; trazia Joabe vestes militares e sobre elas um cinto, no qual, presa aos seus lombos, estava uma espada dentro da bainha; adiantando-se ele, fez cair a espada.

[9] Disse Joabe a Amasa: Vais bem, meu irmão? E, com a mão direita, lhe pegou a barba, para o beijar.

[10] Amasa não se importou com a espada que estava na mão de Joabe, de sorte que este o feriu com ela no abdômen e lhe derramou por terra as entranhas; não o feriu segunda vez, e morreu. Então, Joabe e Abisai, seu irmão, perseguiram a Seba, filho de Bicri.

[11] Mas um, dentre os moços de Joabe, parou junto de Amasa e disse: Quem está do lado de Joabe e é por Davi, siga a Joabe.

[5]D'imigh Amásá ansin chun fir Iúdá a chruinniú, ach mhoilligh sé thar an am a cheap Dáiví dó.

[6]Ansin dúirt Dáiví le hAibísí: “Is mó is baol dúinn Seaba mac Bhicrí ná Aibseálóm riamh; beir leat lucht cosanta do thiarna agus téigh sa tóir air le heagla go mbainfeadh sé amach cathracha daingne agus éalú uainn.”

[7]Leanadar seo Aibísí: Ióáb, na Ceiréitigh, na Peiléitigh agus na gaiscígh go léir, agus iad ag imeacht leo ó Iarúsailéim ar thóir Sheaba mac Bhicrí.

[8]Nuair a bhí siad ag an ngallán mór i nGideón bhuail siad ceann ar aghaidh le hAmásá. Bhí a éide ar Ióáb, agus crios lasmuigh air sin timpeall a choime agus claíomh ina thruaill ar crochadh lena shliasaid; ag dul ar aghaidh dó thit an claíomh amach.

[9]Dúirt Ióáb le hAmásá: “An bhfuil tú ar fónamh, a bhráthair?” Agus rug Ióáb ar fhéasóg ar Amásá lena dheasóg lena phógadh.

[10]Níor thóg Amásá aon cheann den chlaíomh i láimh Ióáb agus bhuail Ióáb é sa bholg leis agus scaoil sé a ionathar ar fud an bhaill, gan buille eile a bhualadh. Cailleadh mar sin é. Bhrostaigh Ióáb agus Aibísí ar aghaidh sa tóir ar Sheaba mac Bhicrí.

[11]Sheas saighdiúir de chuid Ióáb le hais Amásá: “An té atá ar thaobh Ióáb,” ar sé, “agus an té a sheasann le Dáiví, leanadh sé Ióáb.”

[12] Amasa se revolvia no seu sangue no meio do caminho; vendo o moço que todo o povo parava, desviou a Amasa do caminho para o campo e lançou sobre ele um manto; porque via que todo aquele que chegava a ele parava.

[13] Uma vez afastado do caminho, todos os homens seguiram Joabe, para perseguirem Seba, filho de Bicri.

[14] Seba passou por todas as tribos de Israel até Abel-Bete-Maaca; e apenas os beritas se ajuntaram todos e o seguiram.

[15] Vieram Joabe e os homens, e o cercaram em Abel-Bete-Maaca, e levantaram contra a cidade um montão da altura do muro; e todo o povo que estava com Joabe trabalhava no muro para o derribar.

[16] Então, uma mulher sábia gritou de dentro da cidade: Ouvi, ouvi; dizei a Joabe: Chega-te cá, para que eu fale contigo.

[17] Chegando-se ele, perguntou-lhe a mulher: És tu Joabe? Respondeu: Eu sou. Ela lhe disse: Ouve as palavras de tua serva. Disse ele: Ouço.

[18] Então, disse ela: Antigamente, se costumava dizer: Peça-se conselho em Abel; e assim davam cabo das questões.

[19] Eu sou uma das pacíficas e das fiéis em Israel; e tu procuras destruir uma cidade e uma mãe em Israel; por que, pois, devorarias a herança do SENHOR?

[12]Bhí Amásá ansiúd sa chosair chró i lár an bhóthair, agus gach duine a thagadh an treo, stadadh sé nuair a d'fheiceadh sé é. Nuair a chonaic an saighdiúir go stadadh gach duine, tharraing sé Amásá leis ón mbóthar mór isteach sa ghort agus leath brat air.

[13]Nuair a tógadh den bhóthar é, chuaigh gach duine ar aghaidh i ndiaidh Ióáb sa tóir ar Sheaba mac Bhicrí.

Deireadh le Ceannairc

[14]Ghabh Seaba ar aghaidh trí threibheanna Iosrael go léir go hÁbael Béit Mácá; chruinnigh na Bicrígh go léir agus lean siad isteach é.

[15][Tháinig na fir go léir a bhí le Ioáb] agus chuir siad léigear air in Ábael Béit Mácá. Thóg siad port cré in aghaidh na cathrach, ansiúd i gcoinne na múrtha, agus chrom siad ar na ballaí a thuargan agus a leagan.

[16]Ansin ghlaoigh bean chiallmhar ón gcathair á rá: "Éistigí, éistigí! Abraigí le Ióáb: 'Tar i leith go labhróidh mé leat.' "

[17]Agus tháinig sé ina treo. Dúirt an bhean: "An tú Ióáb?" "Is mé," ar sé. Dúirt sí leis: "Tabhair cluas dá bhfuil á rá ag do bhansearbhónta." "Táim ag éisteacht," ar sé.

[18]Ansin dúirt sí: "Deiridís fadó: 'Ná déanaidís ach comhairle a lorg in Ábael, ' agus is mar sin a shocraídís a ngnó.

[19]Duine de lucht na síthe agus na dílseachta mise in Iosrael; tá tusa ag iarraidh cathair is máthair-chathair in

Iosrael a scrios; cén fáth a ndéanfá oidhreacht an Tiarna a shlogadh?"

[20] Respondeu Joabe e disse: Longe, longe de mim que eu devore e destrua!

[20]"Go mba fada, agus go mba rófhada uaimse scrios nó slogadh a dhéanamh!

[21] A coisa não é assim; porém um homem da região montanhosa de Efraim, cujo nome é Seba, filho de Bicri, levantou a mão contra o rei, contra Davi; entregai-me só este, e retirar-me-ei da cidade. Então, disse a mulher a Joabe: Eis que te será lançada a sua cabeça pelo muro.

[21]Ní amhlaidh atá, ach go bhfuil duine ó ardáin Eafráim darb ainm Seaba mac Bhicrí a rinne ceannairc in aghaidh an rí Dáiví; tabhair an duine sin amháin ar láimh dúinn, agus imeoidh mé ón gcathair." Agus dúirt an bhean le Ióáb: "Tá go maith, más ea. Caithfear a cheann thar balla chugat."

[22] E a mulher, na sua sabedoria, foi ter com todo o povo, e cortaram a cabeça de Seba, filho de Bicri, e a lançaram a Joabe. Então, tocou este a trombeta, e se retiraram da cidade, cada um para sua casa. E Joabe voltou a Jerusalém, a ter com o rei.

[22]Chuaigh an bhean [ar ais isteach sa chathair agus labhair] le barr céille leis an bpobal go léir. Bhaineadar an ceann de Sheaba mac Bhicrí agus chaitheadar amach go Ióáb é. Shéid seisean an stoc ansin agus scaipeadar leo ón gcathair, gach duine chun a bhaile féin.

Oficiais de Davi

2 Samuel 8.15-18; 1 Crônicas 18.14-17

[23] Joabe era comandante de todo o exército de Israel; e Benaia, filho de Joiada, da guarda real;

[23]Bhí Ióáb i gceannas arm Iosrael go léir; bhí Banáiá mac Iahóideá i gceannas na gCeiréiteach agus na bPeiléiteach;

[24] Adorão, dos que estavam sujeitos a trabalhos forçados; Josafá, filho de Ailude, era o cronista.

[24]bhí Adorám i bhfeighil an tsaothair éigeantaigh, agus Iahóiseáfat mac Aichíliúd ina chroinicí;

[25] Seva, o escrivão; Zadoque e Abiatar, os sacerdotes;

[25]ba é Seavá an rúnaí, agus sagairt ab ea Zádóc agus Aibíátár,

[26] e também Ira, o jairita, era ministro de Davi.

[26]ba shagart ag Dáiví freisin é Íreá an Iáíreach.

2 Samuel 21

2 Samúéil 21

Vingados os gibeonitas

Gorta agus Bású

[1] Houve, em dias de Davi, uma fome de três anos consecutivos. Davi consultou ao SENHOR, e o SENHOR lhe disse: Há culpa

[1]Bhí gorta ar feadh trí bliana i ndiaidh a chéile le linn Dháiví. Chuaigh Dáiví a lorg comhairle ar an Tiarna agus dúirt an

de sangue sobre Saul e sobre a sua casa, porque ele matou os gibeonitas.

Tiarna: “Tá ciontacht fola ar Shól agus ar a theaghlach mar gur mharaigh sé na Gibeónaigh.”

2 Então, chamou o rei os gibeonitas e lhes falou. Os gibeonitas não eram dos filhos de Israel, mas do resto dos amorreus; e os filhos de Israel lhes tinham jurado poupá-los, porém Saul procurou destruí-los no seu zelo pelos filhos de Israel e de Judá.

2Ghlaoigh an rí dá bhrí sin ar na Gibeónaigh. Níorbh de chlann Iosrael iad na Gibeonaigh ach iarmhar de na hAmóraigh; mhionnaigh clann Iosrael go ndéanfaidís anacal orthu, ach le barr díograise ar son chlann Iosrael agus Iúdá rinne Sól iarracht ar iad a scrios.

3 Perguntou Davi aos gibeonitas: Que quereis que eu vos faça? E que resgate vos darei, para que abençoeis a herança do SENHOR?

3“Céard a dhéanfaidh mé daoibh?” arsa Dáiví leis na Gibeónaigh, “agus conas a dhéanfaidh mé cúiteamh, d'fhonn go gcuirfeadh sibh beannacht ar oidhreacht an Tiarna?”

4 Então, os gibeonitas lhe disseram: Não é por prata nem ouro que temos questão com Saul e com sua casa; nem tampouco pretendemos matar pessoa alguma em Israel. Disse Davi: Que é, pois, que quereis que vos faça?

4D'fhreagair na Gibeónaigh: “Ní cúrsaí airgid ná óir atá i gceist idir sinne agus Sól agus a theaghlach; ná ní hé ár ngnóna aon duine in Iosrael a chur chun báis.” “Abraigí céard atá uaibh,” ar sé, “a dhéanfainn daoibh.”

5 Responderam ao rei: Quanto ao homem que nos destruiu e procurou que fôssemos assolados, sem que pudéssemos subsistir em limite algum de Israel,

5Dúirt siad leis an rí: “An té a rinne sinn a scrios agus a bheartaigh sinn a dhíothú i dtreo nach bhfágfaí duine dínn beo in aon bhall i gcríocha Iosrael,

6 de seus filhos se nos dêem sete homens, para que os enforquemos ao SENHOR, em Gibeá de Saul, o eleito do SENHOR. Disse o rei: Eu os darei.

6déantar seachtar mac leis a thabhairt ar láimh dúinn, i dtreo go ndéanfaimis iad a chrochadh os comhair an Tiarna i nGibeón ar shliabh an Tiarna.” “Tabharfaidh mé ar láimh iad,” arsan rí.

7 Porém o rei poupou a Mefibosete, filho de Jônatas, filho de Saul, por causa do juramento ao SENHOR, que entre eles houvera, entre Davi e Jônatas, filho de Saul.

7Rinne an rí anacal ar Mheirí Bál mac Iónátán mhic Shóil de bharr an mhionna dar an Tiarna a bhí eatarthu, Dáiví is é sin agus Iónátán mac Shóil.

[8] Porém tomou o rei os dois filhos de Rispa, filha de Aiá, que tinha tido de Saul, a saber, a Armoni e a Mefibosete, como também os cinco filhos de Merabe, filha de Saul, que tivera de Adriel, filho de Barzilai, meolatita;

[9] e os entregou nas mãos dos gibeonitas, os quais os enforcaram no monte, perante o SENHOR; caíram os sete juntamente. Foram mortos nos dias da ceifa, nos primeiros dias, no princípio da ceifa da cevada.

[10] Então, Rispa, filha de Aiá, tomou um pano de saco e o estendeu para si sobre uma penha, desde o princípio da ceifa até que sobre eles caiu água do céu; e não deixou que as aves do céu se aproximassem deles de dia, nem os animais do campo, de noite.

[11] Foi dito a Davi o que fizera Rispa, filha de Aiá e concubina de Saul.

[12] Então, foi Davi e tomou os ossos de Saul e os ossos de Jônatas, seu filho, dos moradores de Jabes-Gileade, os quais os furtaram da praça de Bete-Seã, onde os filisteus os tinham pendurado, no dia em que feriram Saul em Gilboa.

[13] Dali, transportou os ossos de Saul e os ossos de Jônatas, seu filho; e ajuntaram também os ossos dos enforcados.

[14] Enterraram os ossos de Saul e de Jônatas, seu filho, na terra de Benjamim, em Zela, na sepultura de Quis, seu pai. Fizeram tudo o que o rei ordenara. Depois

[8]Ach thóg an rí beirt mhac Rizpeá iníon Aiá, an bheirt a rug sí do Shól, Armonaí agus Meirí Bál; agus cúigear mac Mhéarab iníon Shóil, an cúigear a rug sí do Aidríéil mac Bhairzilí an Macholach.

[9]Thug sé iad i lámha na nGibeónach agus chroch siadsan iad ar an sliabh os comhair an Tiarna. Ídíodh an seachtar acu le chéile. Cuireadh chun báis iad i gcéad laethanta an fhómhair, i dtus fhómhar na heorna.

[10]Fuair Rizpeá iníon Aiá éadach róin agus leath ar an gcarraig di féin é ó thús fhómhar na heorna nó gur thit an fhearthainn ón spéir air; níor lig sí d'éanlaith an aeir luí air sa lá, ná d'ainmhithe an mhachaire san oíche.

[11]Insíodh do Dháiví cad a rinne Rizpeá iníon Aiá, leannán Shóil.

[12]D'imigh Dáiví agus thóg sé cnámha Shóil agus a mhic Iónátán ó thaoisigh Iáibéis Gileád a ghoid iad ón gcearnóg i mBéit Seán mar ar chroch na Filistínigh iad an lá a bhris na Filistínigh ar Shól i nGiolboa.

[13]Thug Dáiví cnámha Shóil agus cnámha a mhic Iónátán ón áit sin agus chruinnigh le chéile cnámha na muintire a crochadh.

[14]Agus rinne siad cnámha Shóil, agus cnámha a mhic Iónátán [agus cnámha na muintire a crochadh], a chur i gcríocha Bhiniáimin i Zéalá, i dtuama a athar, Cís. Rinne siad gach ar ordaigh an rí, agus

disto, Deus se tornou favorável para com a terra.

Gigantes mortos pelos homens de Davi
1 Crônicas 20.4-8

15 De novo, fizeram os filisteus guerra contra Israel. Desceu Davi com os seus homens, e pelejaram contra os filisteus, ficando Davi mui fatigado.

16 Isbi-Benobe descendia dos gigantes; o peso do bronze de sua lança era de trezentos siclos, e estava cingido de uma armadura nova; este intentou matar a Davi.

17 Porém Abisai, filho de Zeruia, socorreu-o, feriu o filisteu e o matou; então, os homens de Davi lhe juraram, dizendo: Nunca mais sairás conosco à peleja, para que não apagues a lâmpada de Israel.

18 Depois disto, houve ainda, em Gobe, outra peleja contra os filisteus; então, Sibecai, o husatita, feriu a Safe, que era descendente dos gigantes.

19 Houve ainda, em Gobe, outra peleja contra os filisteus; e Elanã, filho de Jaaré-Oregim, o belemita, feriu a Golias, o geteu, cuja lança tinha a haste como eixo de tecelão.

20 Houve ainda outra peleja; esta foi em Gate, onde estava um homem de grande estatura, que tinha em cada mão e em cada pé seis dedos, vinte e quatro ao todo; também este descendia dos gigantes.

ansin thug Dia cluas dá n-achainíocha ar son na tíre.

Feachtais in aghaidh na bhFilistíneach

15Rinne na Filistínigh cogadh arís eile in aghaidh Iosrael. Ghabh Dáiví agus a bhuíon síos agus [shuigh siad a longfort ag Gob] agus chuir cath ar na Filistínigh. [Ansin d'éirigh Dodó

16mac Ióais], de shliocht Ráfá, agus sleá trí chéad seicil chré-umha aige, agus claíomh nua ar iompar aige agus é lán de mhuinín go maródh sé Dáiví.

17Ach tháinig Aibísí mac Zarúá i gcabhair air, threascair an Filistíneach agus mharaigh. Ansin d'áitigh lucht leanúna Dháiví air á rá: “Ná téigh chun catha riamh arís linn,” ar siad, “d'fhonn nach múchfá lóchrann Iosrael.”

18Ina dhiaidh sin bhris cogaíocht amach arís leis na Filistínigh ag Gob. Sé sin an uair a mharaigh Sibeacaí an Huiseátach Saf, de shliocht Ráfá.

19Bhris cogaíocht amach arís leis na Filistínigh ag Gob. Agus mharaigh Ealchánán mac Iáír, ó Bheithil, Góla an Giteach ar chosúil le bíoma fíodóra crann a shleá.

20Agus bhí cath eile ag Gat mar a raibh fear mór groí a raibh sé mhéar ar gach láimh leis agus sé mhear ar gach cois, ceithre mhéar fichead ar fad. Ba de shliocht Ráfá eisean chomh maith.

[21] Quando ele injuriava a Israel, Jônatas, filho de Siméia, irmão de Davi, o feriu.

[22] Estes quatro nasceram dos gigantes em Gate; e caíram pela mão de Davi e pela mão de seus homens.

[21]Nuair a thug sé dúshlán Iosrael, mharaigh Iónátán mac Shimeí, dearthái Dháiví, é.

[22]Ba de shliocht Ráfá ó Ghat an ceathrar seo agus thiteadar le Dáiví agus lena bhuíon.

2 Samuel 22

Cântico de Davi em ações de graças
Salmos 18.1-50

[1] Falou Davi ao SENHOR as palavras deste cântico, no dia em que o SENHOR o livrou das mãos de todos os seus inimigos e das mãos de Saul.

[2] E disse: O SENHOR é a minha rocha, a minha cidadela, o meu libertador;

[3] o meu Deus, o meu rochedo em que me refugio; o meu escudo, a força da minha salvação, o meu baluarte e o meu refúgio. Ó Deus, da violência tu me salvas.

[4] Invoco o SENHOR, digno de ser louvado, e serei salvo dos meus inimigos.

[5] Porque ondas de morte me cercaram, torrentes de impiedade me impuseram terror;

[6] cadeias infernais me cingiram, e tramas de morte me surpreenderam.

[7] Na minha angústia, invoquei o SENHOR, clamei a meu Deus; ele, do seu templo, ouviu a minha voz, e o meu clamor chegou aos seus ouvidos.

[8] Então, a terra se abalou e tremeu, vacilaram também os fundamentos dos

2 Samúéil 22

Laoi Dháiví

[1]Dúirt Dáiví focail na laoi seo leis an Tiarna nuair a shaor an Tiarna é as láimh a naimhde go léir agus as láimh Shóil.

[2]Is é a dúirt sé: An Tiarna mo charraig, mo dhaingean;

[3]Sé mo Dhia m'fhuasclóir. Téim ar a choimirce, ós é mo charraig é, mo sciath, agus adharc mo shlánaithe, mo dhún, mo dhídean, mo shlánaitheoir. Déanann tú mé a fhuascailt ón éigean.

[4]Glaoim ar an Tiarna, moladh go deo leis, agus fuascláitear mé ó mo naimhde.

[5]Ghabh tonnta an bháis i mo thimpeall, agus bhris tuilte urchóide i m'aghaidh.

[6]Cuireadh téada Sheól mar chuibhreach orm agus gaistí an bháis ar tinneall romham.

[7]Ghlaoigh mé ar an Tiarna as mo ghátar; d'éigh mé chun mo Dhé. Chuala sé mo ghlór óna theampall, agus thug sé cluas do mo ghlao.

[8]Luaisc agus chrith an talamh; tháinig creathán ar mháithreacha na spéire -

céus e se estremeceram, porque ele se indignou.

[9] Das suas narinas, subiu fumaça, e, da sua boca, fogo devorador; dele saíram carvões, em chama.

[10] Baixou ele os céus, e desceu, e teve sob os pés densa escuridão.

[11] Cavalgava um querubim e voou; e foi visto sobre as asas do vento.

[12] Por pavilhão pôs, ao redor de si, trevas, ajuntamento de águas, nuvens dos céus.

[13] Do resplendor que diante dele havia, brasas de fogo se acenderam.

[14] Trovejou o SENHOR desde os céus; o Altíssimo levantou a sua voz.

[15] Despediu setas, e espalhou os meus inimigos, e raios, e os desbaratou.

[16] Então, se viu o leito das águas, e se descobriram os fundamentos do mundo, pela repreensão do SENHOR, pelo iroso resfolgar das suas narinas.

[17] Do alto, me estendeu ele a mão e me tomou; tirou-me das muitas águas.

[18] Livrou-me do forte inimigo, dos que me aborreciam, porque eram mais poderosos do que eu.

[19] Assaltaram-me no dia da minha calamidade, mas o SENHOR me serviu de amparo.

[20] Trouxe-me para um lugar espaçoso; livrou-me, porque ele se agradou de mim.

tháinig creathán orthu de bharr a chuid feirge.

[9]Ghabh gal suas ó phholláirí a shróine, agus óna bhéal tine íditheach a las sméaróidí dearga.

[10]Chlaon sé na spéartha agus thuirling sé, agus scamall dubh faoina chosa.

[11]In airde ar cheirib leis agus d'eitil, agus bhí ar foluain ar sciatháin na gaoithe.

[12]Rinne sé forscáth ina thimpeall den dorchadas. Agus both de na huiscí dubha, na scamaill thiubha.

[13]Roimhe amach d'adhain splanc, casair agus caora tintí.

[14]Rinne an Tiarna toirneach ó na spéartha agus ba chlos glór an té is airde.

[15]Theilg sé a shaigheada agus scaip iad; scaoil leis an tintreach agus chuir an teitheadh orthu.

[16]Nochtadh grinneall an bhfarraigí, agus bhí radharc ar mháithreacha na cruinne, de bharr bhagairt an Tiarna agus borradh ghal a pholláirí.

[17]Shín sé a lámh chugam ó na harda agus sciob sé mé as na huiscí doimhne.

[18]D'fhuascail sé mé ó mo namhaid tréan, uathu siúd a thug fuath dom, mar go raibh siad róláidir dom.

[19]Thángadar sa mhullach orm lá mo thubaiste, ach ba é an Tiarna mo thaca;

[20]d'fhuascail sé mé agus scaoil sé saor mé; tháinig sé i gcabhair orm, mar tá grá aige dom.

[21] Retribuiu-me o SENHOR segundo a minha justiça, recompensou-me conforme a pureza das minhas mãos.
[22] Pois tenho guardado os caminhos do SENHOR e não me apartei perversamente do meu Deus.
[23] Porque todos os seus juízos me estão presentes, e dos seus estatutos não me desviei.
[24] Também fui inculpável para com ele e me guardei da iniqüidade.
[25] Daí, retribuir-me o SENHOR segundo a minha justiça, segundo a minha pureza diante dos seus olhos.

[26] Para com o benigno, benigno te mostras; com o íntegro, também íntegro.

[27] Com o puro, puro te mostras; com o perverso, inflexível.

[28] Tu salvas o povo humilde, mas, com um lance de vista, abates os altivos.

[29] Tu, SENHOR, és a minha lâmpada; o SENHOR derrama luz nas minhas trevas.

[30] Pois contigo desbarato exércitos, com o meu Deus, salto muralhas.

[31] O caminho de Deus é perfeito; a palavra do SENHOR é provada; ele é escudo para todos os que nele se refugiam.
[32] Pois quem é Deus, senão o SENHOR? E quem é rochedo, senão o nosso Deus?
[33] Deus é a minha fortaleza e a minha força e ele perfeitamente desembaraça o meu caminho.

[21]Déanann an Tiarna cúiteamh liom de réir m'fhíréantachta; déanann sé díolaíocht liom de réir ghlaine mo lámh,

[22]mar choinnigh mé slite an Tiarna, agus níor thug mé cúl go mailíseach le mo Dhia.

[23]Tá a bhreitheanna go léir os comhair mo shúl, ná níor chuir mé a reachtanna i leataobh uaim.
[24]Táim gan choir ina fhianaise agus sheachain mé an peaca.
[25]Déanann an Tiarna cúiteamh liom de réir m'fhíréantachta, de réir m'ionracais ina láthair.
[26]Is dílis tú le lucht na dílseachta agus is neamhurchóideach thú leis an muintir gan urchóid.
[27]Is glan tú le lucht na glaine croí, ach cuireann tú cor in aghaidh an chaim.
[28]Fuasclaíonn tú an mhuintir umhal, ach tá do shúile ar lucht an uabhair lena n-ísliú.
[29]Is tú féin, a Thiarna, mo lóchrann, agus soilsíonn mo Dhia mo dhorchadas.
[30]Brúchtaim thar an mbarbacán le do chabhair, agus le cabhair Dé léimim thar balla.
[31]Dia seo againn, tá a shlí gan cháim; níl fochall i bhfocal an Tiarna; is sciath é don mhuintir go léir a théann faoina dhídean.
[32]Cé eile is Dia ann ach an Tiarna? Cé eile is carraig ach Dia seo againne?

[33]Sé an Dia seo crios mo nirt, a d'fhág mo chosán gan bhaol.

[34] Ele deu a meus pés a ligeireza das corças e me firmou nas minhas alturas.

[35] Ele adestrou as minhas mãos para o combate, de sorte que os meus braços vergaram um arco de bronze.

[36] Também me deste o escudo do teu salvamento, e a tua clemência me engrandeceu.

[37] Alongaste sob meus passos o caminho, e os meus pés não vacilaram.

[38] Persegui os meus inimigos, e os derrotei, e só voltei depois de haver dado cabo deles.

[39] Acabei com eles, esmagando-os a tal ponto, que não puderam levantar-se; caíram sob meus pés.

[40] Pois de força me cingiste para o combate e me submeteste os que se levantaram contra mim.

[41] Também puseste em fuga os meus inimigos, e os que me odiaram, eu os exterminei.

[42] Olharam, mas ninguém lhes acudiu, sim, para o SENHOR, mas ele não respondeu.

[43] Então, os moí como o pó da terra; esmaguei-os e, como a lama das ruas, os amassei.

[44] Das contendas do meu povo me livraste e me fizeste cabeça das nações; povo que não conheci me serviu.

[45] Os estrangeiros se me sujeitaram; ouvindo a minha voz, me obedeceram.

[34]Rinne sé mo chosa mar chosa an fhia, agus dhaingnigh mo bhoinn ar na harda.

[35]Oileann sé mo lámha don chath, i dtreo go lúbfadh mo ghéaga bogha cré-umha.

[36]Thug tú dom do sciath fuascailte, agus is díon agam do chathéide.

[37]Rinne tú réiteach fairsing do mo bhoinn fum agus níor shleamhnaigh mo chosa.

[38]Téim sa tóir ar mo naimhde agus scriosaim iad, gan filleadh ar ais go mbíonn siad ídithe.

[39]Leagaim ar lár iad agus ní éiríonn siad; titeann siad agus bíonn siad faoi mo chosa.

[40]Óir chuir tú neart mar chrios fúm don chath, agus lúb tú lucht m'ionsaithe síos fúm.

[41]Chuir tú d'iallach ar mo naimhde a gcúl a thabhairt liom; an mhuintir arbh fhuath leo mé, scrios mé iad.

[42]D'fhéach siad ach ní raibh fear a dtarrthála ann; ghlaoigh siad chun an Tiarna, ach fágadh iad gan freagra.

[43]Meilim iad chomh mín le smúit na talún, pasálaim is brúim iad mar a bheadh láib na sráideanna.

[44]Déanann tú mé a fhuascailt ó chine na ceannairce agus mé a chur ar cheann na náisiún. Pobal nárbh eol dom, tá siad anois ag seirbhís dom.

[45]Tagann eachtrannaigh ag lútáil chugam. A luaithe a chluineann siad mo ghlór, géilleann siad dom.

[46] Sumiram-se os estrangeiros e das suas fortificações saíram espavoridos.

[47] Vive o SENHOR, e bendita seja a minha Rocha! Exaltado seja o meu Deus, a Rocha da minha salvação!

[48] O Deus que por mim tomou vingança e me submeteu povos;

[49] o Deus que me tirou dentre os meus inimigos; sim, tu que me exaltaste acima dos meus adversários e me livraste do homem violento.

[50] Celebrar-te-ei, pois, entre as nações, ó SENHOR, e cantarei louvores ao teu nome.

[51] É ele quem dá grandes vitórias ao seu rei e usa de benignidade para com o seu ungido, com Davi e sua posteridade, para sempre.

[46]Cailleann eachtrannaigh a misneach agus tagann siad amach as a ndaingin ar ballchrith.

[47]Dé bheatha, a Thiarna. Gura beannaithe mo charraig. Go mórtar mo Dhia, carraig mo shlánaithe,

[48]Dia a rinne díoltas dom, a threascair ciníocha fúm,

[49]a shaor mé ó mo naimhde, a d'ardaigh mé os cionn lucht m'ionsaithe, a d'fhuascail mé ó fhear an éigin.

[50]Dá bharr sin déanfaidh mé thú a mhóradh, a Thiarna, i measc na gciníocha, agus moladh a chanadh do d'ainm.

[51]Tugann sé an bua go raidhsiúil dá rí; taispeánann a bhuanghrá dá ungthach, do Dháiví agus dá chomharbaí go brách.

2 Samuel 23

As últimas palavras de Davi

[1] São estas as últimas palavras de Davi: Palavra de Davi, filho de Jessé, palavra do homem que foi exaltado, do ungido do Deus de Jacó, do mavioso salmista de Israel.

[2] O Espírito do SENHOR fala por meu intermédio, e a sua palavra está na minha língua.

[3] Disse o Deus de Israel, a Rocha de Israel a mim me falou: Aquele que domina com justiça sobre os homens, que domina no temor de Deus,

2 Samúéil 23

[1]Seo iad briathra deireanacha Dháiví: Oracal Dháiví, mac Ieise, oracal an fhir a ardaíodh go hard, ungthach Dhia Iacóib, cantaire duanta Iosrael.

[2]Labhraíonn Spiorad an Tiarna tríomsa, tá a bhriathar ar mo theanga.

[3]Labhair Dia Iacóib agus dúirt Carraig Iosrael liom: An té a rialaíonn daoine leis an gceart, agus a bhfuil eagla Dé air ag rialú dó,

[4] é como a luz da manhã, quando sai o sol, como manhã sem nuvens, cujo esplendor, depois da chuva, faz brotar da terra a erva.

[5] Não está assim com Deus a minha casa? Pois estabeleceu comigo uma aliança eterna, em tudo bem definida e segura. Não me fará ele prosperar toda a minha salvação e toda a minha esperança?

[6] Porém os filhos de Belial serão todos lançados fora como os espinhos, pois não podem ser tocados com as mãos,

[7] mas qualquer, para os tocar, se armará de ferro e da haste de uma lança; e a fogo serão totalmente queimados no seu lugar.

Os valentes de Davi

1 Crônicas 11.10-47

[8] São estes os nomes dos valentes de Davi: Josebe-Bassebete, filho de Taquemoni, o principal de três; este brandiu a sua lança contra oitocentos e os feriu de uma vez.

[9] Depois dele, Eleazar, filho de Dodô, filho de Aoí, entre os três valentes que estavam com Davi, quando desafiaram os filisteus ali reunidos para a peleja. Quando já se haviam retirado os filhos de Israel,

[10] ele se levantou e feriu os filisteus, até lhe cansar a mão e ficar pegada à espada; naquele dia, o SENHOR efetuou grande livramento; e o povo voltou para onde Eleazar estava somente para tomar os despojos.

[11] Depois dele, Sama, filho de Agé, o hararita, quando os filisteus se ajuntaram em Leí, onde havia um pedaço de terra

[4]is cuma é nó gile na maidine le héirí gréine - agus an spéir gan scamall - ag glioscarnach ar fhéar an bháin tar éis báistí.

[5]Seasann mo theach daingean i láthair Dé, mar rinne sé conradh síoraí liom, agus d'fhág gach ní in eagar go teann. Nach gcuireann sé bláth ar gach ní a shlánaíonn mé gach ní is mian liom?

[6]An mhuintir aindiaga is cuma iad nó deilgneach an fhásaigh, nach mbailítear choíche le láimh duine:

[7]ach an té a bhaineann leo, gabhann sé chuige iarann nó crann sleá agus ansin dóitear ar fad iad sa tine.

Gaiscígh Dháiví

[8]Seo iad ainmneacha na ngaiscíoch a bhí ag Dáiví: Ís Bál an Hacmonach, ceannaire an triúir; d'imir sé a thua chatha ar ocht gcéad agus mharaigh sé iad le chéile.

[9]Ina dhiaidh sin, ar an triúr gaiscíoch, bhí Eileázár mac Dhodó mac Achochaí. Bhí seisean le Dáiví [ag Pas Damaín] nuair a thionóil na Filistínigh chun catha ansiúd agus a chúlaigh clann Iosrael rompu.

[10]Sheas seisean an fód agus bhí sé ag treascairt na bhFilistíneach go dtí gur éirigh a lámh chomh curtha sin gur cheangail sé í den chlaíomh. Thug an Tiarna bua mór chun críche an lá sin; d'fhill an t-arm i ndiaidh Eileázár, ach ba chun creiche amháin a rinneadar sin.

[11]Ina dhiaidh sin bhí Seamá mac Áigé an Harárach. Thionóil na Filistínigh ag Leichí

cheio de lentilhas; e o povo fugia de diante dos filisteus.

[12] Pôs-se Sama no meio daquele terreno, e o defendeu, e feriu os filisteus; e o SENHOR efetuou grande livramento.

[13] Também três dos trinta cabeças desceram e, no tempo da sega, foram ter com Davi, à caverna de Adulão; e uma tropa de filisteus se acampara no vale dos Refains.

[14] Davi estava na fortaleza, e a guarnição dos filisteus, em Belém.

[15] Suspirou Davi e disse: Quem me dera beber água do poço que está junto à porta de Belém!

[16] Então, aqueles três valentes romperam pelo acampamento dos filisteus, e tiraram água do poço junto à porta de Belém, e tomaram-na, e a levaram a Davi; ele não a quis beber, porém a derramou como libação ao SENHOR.

[17] E disse: Longe de mim, ó SENHOR, fazer tal coisa; beberia eu o sangue dos homens que lá foram com perigo de sua vida? De maneira que não a quis beber. São estas as coisas que fizeram os três valentes.

[18] Também Abisai, irmão de Joabe, filho de Zeruia, era cabeça de trinta; e alçou a sua lança contra trezentos e os feriu. E tinha nome entre os primeiros três.

mar a raibh gort lán de lintilí. Theith an t-arm roimh na Filistínigh.

[12]Ach sheas seisean an fód i lár an ghoirt, chosain é, agus mharaigh na Filistínigh. Chuir an Tiarna bua mór i gcrích ar an gcuma sin.

[13]Ghabh triúr den tríocha taoiseach síos agus thángadar timpeall aimsir an fhómhair go Dáiví san uaimh in Adulám nuair a bhí longfort ag buíon Filistíneach i nGleann Rafáím.

[14]Bhí Dáiví ansin sa dún, agus bhí garastún Filistíneach an uair sin i mBeithil.

[15]Agus dúirt Dáiví le tnúth: “Uch, nár bhreá liom dá dtabharfadh duine éigin deoch uisce dom as tobar Bheithile atá le taobh an gheata!”

[16]Ansin bhrúigh an triúr gaiscíoch trí longfort na bhFilistíneach agus tharraing siad uisce as an tobar ag geata Bheithile agus thug siad leo é agus thug siad do Dháiví é. Ach ní ólfadh sé é ach é a dhoirteadh mar ofráil don Tiarna.

[17]“Gura fada uaim, a Thiarna,” ar sé, “é seo a ól! An ólfainn fuil na ndaoine a chuir a n-anam i mbaol ar eachtra?” Ní ólfadh sé é dá bhrí sin. Sin iad bearta an triúr gaiscíoch.

[18]Ba é Aibísí dearthár Ióáb agus mac Zarúá ceannaire an tríochad. Eisean a d'imir a shleá ar an trí chéad fear agus a mharaigh iad, agus a thuill cáil i measc an tríochad.

[19] Era ele mais nobre do que os trinta e era o primeiro deles; contudo, aos primeiros três não chegou.

[20] Também Benaia, filho de Joiada, era homem valente de Cabzeel e grande em obras; feriu ele dois heróis de Moabe. Desceu numa cova e nela matou um leão no tempo da neve.

[21] Matou também um egípcio, homem de grande estatura; o egípcio trazia uma lança, mas Benaia o atacou com um cajado, arrancou-lhe da mão a lança e com ela o matou.

[22] Estas coisas fez Benaia, filho de Joiada, pelo que teve nome entre os primeiros três valentes.

[23] Era mais nobre do que os trinta, porém aos três primeiros não chegou, e Davi o pôs sobre a sua guarda.

[24] Entre os trinta figuravam: Asael, irmão de Joabe; Elanã, filho de Dodô, de Belém;

[25] Sama, harodita; Elica, harodita;

[26] Heles, paltita; Ira, filho de Iques, tecoíta;

[27] Abiezer, anatotita; Mebunai, husatita;

[28] Zalmom, aoíta; Maarai, netofatita;

[29] Helebe, filho de Baaná, netofatita; Itai, filho de Ribai, de Gibeá, dos filhos de Benjamim;

[30] Benaia, piratonita; Hidai, do ribeiro de Gaás;

[31] Abi-Albom, arbatita; Azmavete, barumita;

[19]Ba mhó cáil é ná an tríocha, agus rinneadh captaen orthu de, ach ní raibh dul aige ar an triúr.

[20]Banáiá mac Iahóideá, laoch ó Chabzael, fear déanta mórghníomh, threascair sé dhá churadh Mhóáb. Agus lá sneachta chuaigh sé síos isteach in uaimh agus mharaigh leon ann.

[21]Agus mharaigh sé Éigipteach, fear dealraitheach; bhí sleá ina láimh ag an Éigipteach, ach ghabh Banáiá síos chuige agus bata ina láimh, sciob an tsleá as láimh an Éigiptigh agus mharaigh é lena shleá féin.

[22]Ba shin iad bearta Bhanáiá mac Iahóideá a thuill cáil dó féin i measc an tríochad.

[23]Ba mhó cáil é na an tríocha, ach ní raibh dul aige ar an triúr. Chuir Dáiví é i gceannas ar a gharda féin.

[24]Duine den tríocha ab ea Asáhael deartháir Ióáb. Ealchánán mac Dhodó ó Bheithil.

[25]Seamá ó Harod. Eilíceá ó Harod.

[26]Heiliz ó Phalat. Íorá mac Icéis ó Theacóá.

[27]Aibíeizir ó Anatót. Sibeacaí ó Huiseá.

[28]Zalmón ó Achot. Maharaí ó Natofá.

[29]Héilib mae Bháná ó Natofá. Iotaí mac Ríbí ó Ghibeá de threibh Bhiniáimin.

[30]Banáiá ó Phioráton. Hidí ó ghleannta Gháis.

[31]Aibíalbón ó Bhéit Arabá. Azmávat ó Bhachúraím.

[32] Eliaba, saalbonita; os filhos de Jasém; Jônatas;
[33] Sama, hararita; Aião, filho de Sarar, ararita;
[34] Elifelete, filho de Aasbai, filho de um maacatita; Eliã, filho de Aitofel, gilonita;
[35] Hezrai, carmelita; Paarai, arbita;
[36] Igal, filho de Natã, de Zobá; Bani, gadita;
[37] Zeleque, amonita; Naarai, beerotita, o que trazia as armas de Joabe, filho de Zeruia;
[38] Ira, itrita; Garebe, itrita;
[39] Urias, heteu; ao todo, trinta e sete.

[32]Eiliachbá ó Shálbón. Clann Iáiséin Iónátán.
[33]Seamá ó Harar. Aichíám mac Sheárár ó Harár.
[34]Eilífilit mac Achasbaí ó Bhéit Mácá. Eilíám mac Aichítifeil ó Ghíolo.
[35]Heazro ó Chairmeil. Páraí ó Arab.
[36]Igeál mac Nátán ó Zóbá. Bánaí an Giteach.
[37]Zeilic an tAmónach. Nacharaí ó Bhaerót a d'iompar airm Ióáb mac Zarúá.
[38]Íreá ó Iaitir. Gáraeb ó Iaitir.
[39]Úiríá an Hiteach - Seachtar agus tríocha ar fad.

2 Samuel 24

O levantamento do censo
1 Crônicas 21.1-6

[1] Tornou a ira do SENHOR a acender-se contra os israelitas, e ele incitou a Davi contra eles, dizendo: Vai, levanta o censo de Israel e de Judá.

[2] Disse, pois, o rei a Joabe, comandante do seu exército: Percorre todas as tribos de Israel, de Dã até Berseba, e levanta o censo do povo, para que eu saiba o seu número.

[3] Então, disse Joabe ao rei: Ora, multiplique o SENHOR, teu Deus, a este povo cem vezes mais, e o rei, meu senhor, o veja; mas por que tem prazer nisto o rei, meu senhor?

[4] Porém a palavra do rei prevaleceu contra Joabe e contra os chefes do exército; saiu,

2 Samúéil 24

Daonáireamh

[1]Las fearg an Tiarna arís in aghaidh Iosrael agus spreag sé Dáiví ina n-aghaidh. “Téigh,” ar sé, “agus déan daonáireamh ar Iosrael agus ar Iúdá.”

[2]Dúirt an rí le Ióáb agus leis na hoifigigh shinsir den arm a bhí in éineacht leis: “Imígí libh anois i measc treibheanna Iosrael ó Dhán go Béar Seaba agus déanaigí daonáireamh; is mian liom a fhios a bheith agam cad é líon an phobail.”

[3]Dúirt Ióáb leis an rí: “Go gcuire an Tiarna, do Dhia, an rath faoi chéad ar do phobal fad tá súile ag an rí fós chun iad a fheiceáil. Ach cad ab áil le mo thiarna an rí a bheith chomh tógtha leis seo?”

[4]Ach chuir an rí a ordú i bhfeidhm ar Ióáb agus na hoifigigh shinsir, agus d'imigh

pois, Joabe com os chefes do exército da presença do rei, a levantar o censo do povo de Israel.

5 Tendo eles passado o Jordão, acamparam-se em Aroer, à direita da cidade que está no meio do vale de Gade, e foram a Jazer.

6 Daqui foram a Gileade e chegaram até Cades, na terra dos heteus; seguiram a Dã-Jaã e viraram-se para Sidom;

7 chegaram à fortaleza de Tiro e a todas as cidades dos heveus e dos cananeus, donde saíram para o Neguebe de Judá, a Berseba.

8 Assim, percorreram toda a terra e, ao cabo de nove meses e vinte dias, chegaram a Jerusalém.

9 Deu Joabe ao rei o recenseamento do povo: havia em Israel oitocentos mil homens de guerra, que puxavam da espada; e em Judá eram quinhentos mil.

Davi escolhe o castigo

1 Crônicas 21.7-17

10 Sentiu Davi bater-lhe o coração, depois de haver recenseado o povo, e disse ao SENHOR: Muito pequei no que fiz; porém, agora, ó SENHOR, peço-te que perdoes a iniqüidade do teu servo; porque procedi mui loucamente.

11 Ao levantar-se Davi pela manhã, veio a palavra do SENHOR ao profeta Gade, vidente de Davi, dizendo:

12 Vai e dize a Davi: Assim diz o SENHOR: Três coisas te ofereço; escolhe uma delas, para que ta faça.

Ioáb agus na hoifigigh shinsir leo ó láthair an rí chun daonáireamh a dhéanamh ar phobal Iosrael.

5Ghabhadar thar Iordáin agus thosaíodar le hAroéir agus leis an gcathair atá i lár an ghleanna, agus ar aghaidh go Gád agus Iazaer.

6Chuadar as sin go Gileád agus go Cáidéis i dtír na Hiteach; ansin chuadar go Dán, agus ó Dhán timpeall go Síodón.

7Thángadar ansin go daingean na Tuíre agus go cathracha uile na Hiveach agus na gCanánach, agus ag sroicheadh ceann cúrsa i Neigib Iúdá ag Béar Seaba.

8Tar éis dóibh gabháil tríd an tír go léir d'fhilleadar ar Iarúsailéim faoi cheann naoi mí agus fiche lá.

9Thug Ioáb figiúir an daonáirimh don rí: ocht gcéad míle fear troda, lucht claíomh a tharraingt, a bhí in Iosrael agus cúig céad míle in Iúdá.

10Ach tháinig aiféala ar Dháiví ina chroí istigh ar ball cionn is go ndearna sé daonáireamh ar an bpobal. “Tá peaca trom déanta agam,” ar sé leis an Tiarna. “Ach anois, a Thiarna, impím ort an cion seo a mhaitheamh do do sheirbhíseach. Ba an-amaideach an rud dom é.”

11Nuair a d'éirigh Dáiví an mhaidin ina dhiaidh sin, bhí teachtaireacht ón Tiarna go dtí Gád fáidh, fear feasa Dháiví, á rá:

12“Téigh agus abair le Dáiví: seo mar a deir an Tiarna: ‘Tairgim trí rud duit; bíodh

do rogha agat astu agus déanfaidh mé duit é.' "

[13] Veio, pois, Gade a Davi e lho fez saber, dizendo: Queres que sete anos de fome te venham à tua terra? Ou que, por três meses, fujas diante de teus inimigos, e eles te persigam? Ou que, por três dias, haja peste na tua terra? Delibera, agora, e vê que resposta hei de dar ao que me enviou.

[13]Chuaigh Gád chuig Dáiví mar sin agus d'inis sé sin dó. "Cé acu is fearr leat," ar seisean, "trí bliana de ghorta a theacht ort i do thír féin, nó thú a bheith trí mhí ar do sheachaint agus do namhaid sa tóir ort, nó plá a bheith ar do thír ar feadh trí lá? Déan do mhachnamh air anois agus socraigh cad é an freagra a thabharfaidh mé don té a chuir uaidh mé."

[14] Então, disse Davi a Gade: Estou em grande angústia; porém caiamos nas mãos do SENHOR, porque muitas são as suas misericórdias; mas, nas mãos dos homens, não caia eu.

[14]Dúirt Dáiví le Gád: "Is é rogha na ndíogha agam é! Ach is fearr go dtitimis i láimh an Tiarna, óir is mór é a thrócaire, agus gan mé a thitim i lámha daoine."

[15] Então, enviou o SENHOR a peste a Israel, desde a manhã até ao tempo que determinou; e, de Dã até Berseba, morreram setenta mil homens do povo.

[15]Mar sin thogh Dáiví an phlá. Aimsir fhómhar na cruithneachta a bhí ann. Chuir an Tiarna plá ar Iosrael ón maidin go dtí an uair a bhí leagtha amach agus rinne aicíd léirscrios ar an bpobal, agus ó Dhán go Béar Seaba fuair seachtó míle acu bás.

[16] Estendendo, pois, o Anjo do SENHOR a mão sobre Jerusalém, para a destruir, arrependeu-se o SENHOR do mal e disse ao Anjo que fazia a destruição entre o povo: Basta, retira a mão. O Anjo estava junto à eira de Araúna, o jebuseu.

[16]Shín an t-aingeal a lámh amach ionsar Iarúsailéim lena scrios, ach rinne an Tiarna athsmaoineamh faoin olc seo agus dúirt sé leis an aingeal a bhí ag scrios an phobail: "Is leor sin! Fóill ar do láimh!" Bhí aingeal an Tiarna le hais urlár buailte Arauná an Iabúsach.

[17] Vendo Davi ao Anjo que feria o povo, falou ao SENHOR e disse: Eu é que pequei, eu é que procedi perversamente; porém estas ovelhas que fizeram? Seja, pois, a tua mão contra mim e contra a casa de meu pai.

[17]Nuair a chonaic Dáiví an t-aingeal a bhí ag scrios an phobail, labhair sé leis an Tiarna: "Is mise a pheacaigh," ar sé, "is mise a rinne an drochrud seo. Ach an tréad seo, cad atá déanta acusan? Luíodh do

lámh go trom ormsa mar sin, impím ort, agus ar mo chlann."

Davi erige um altar na eira de Araúna
1 Crônicas 21.18-27

[18] Naquele mesmo dia, veio Gade ter com Davi e lhe disse: Sobe, levanta ao SENHOR um altar na eira de Araúna, o jebuseu.

[18]Chuaigh Gád go Dáiví an lá sin agus dúirt leis: "Gabh suas agus tóg altóir don Tiarna ar urlár buailte Arauná an Iabúsach."

[19] Davi subiu segundo a palavra de Gade, como o SENHOR lhe havia ordenado.

[19]Ar fhocal Ghád, ghabh Dáiví suas ar ordú an Tiarna.

[20] Olhou Araúna do alto e, vendo que vinham para ele o rei e os seus homens, saiu e se inclinou diante do rei, com o rosto em terra.

[20]Nuair a d'fhéach Arauná síos agus go bhfaca sé an rí agus a oifigigh ag céimniú ina threo, chuaigh sé ar aghaidh agus chrom chun talún in ómós don rí.

[21] E perguntou: Por que vem o rei, meu senhor, ao seu servo? Respondeu Davi: Para comprar de ti esta eira, a fim de edificar nela um altar ao SENHOR, para que cesse a praga de sobre o povo.

[21]"Cén fáth ar tháinig mo thiarna an rí chun a shearbhónta?" a d'fhiafraigh Arauná. D'fhreagair Dáiví: "Chun an t-urlár buailte a cheannach uait le haltóir a thógáil don Tiarna ionas go staonfadh an phlá den phobal."

[22] Então, disse Araúna a Davi: Tome e ofereça o rei, meu senhor, o que bem lhe parecer; eis aí os bois para o holocausto, e os trilhos, e a apeiragem dos bois para a lenha.

[22]Dúirt Arauná le Dáiví: "Tógadh mo thiarna an rí é, agus íobraíodh sé a rogha. Seo iad na daimh don íobairt uileloiscthe, na súistí agus na cuingeacha mar adhmad.

[23] Tudo isto, ó rei, Araúna oferece ao rei; e ajuntou: Que o SENHOR, teu Deus, te seja propício.

[23]Tugann Arauná iad sin go léir don rí. Agus go nglaca an Tiarna, do Dhia, leat," arsa Arauná.

[24] Porém o rei disse a Araúna: Não, mas eu to comprarei pelo devido preço, porque não oferecerei ao SENHOR, meu Deus, holocaustos que não me custem nada. Assim, Davi comprou a eira e pelos bois pagou cinqüenta siclos de prata.

[24]Ach dúirt an rí le hArauná: "Ní dhéanfaidh mé amhlaidh, ach díolfaidh mé as le hairgead. Ní dhéanfaidh mé íobairtí uileloiscthe nár chosain aon ní orm a ofráil don Tiarna mo Dhia." Thug Dáiví dá bhrí sin caoga seicil airgid ar an urlár buailte agus ar na daimh.

[25] Edificou ali Davi ao SENHOR um altar e apresentou holocaustos e ofertas pacíficas. Assim, o SENHOR se tornou favorável para com a terra, e a praga cessou de sobre Israel.

[25]Thóg Dáiví altóir ansiúd don Tiarna agus d'ofráil sé íobairtí uileloiscthe agus íobairtí comaoineach. Ansin d'éist an Tiarna leis na hachainíocha ar son na tíre agus casadh an phlá ar shiúl ó Iosrael.

O primeiro livro dos Reis	1 Ríthe

1 Reis 1

A velhice de Davi

[1] Sendo o rei Davi já velho e entrado em dias, envolviam-no com roupas, porém não se aquecia.

[2] Então, lhe disseram os seus servos: Procure-se para o rei, nosso senhor, uma jovem donzela, que esteja perante o rei, e tenha cuidado dele, e durma nos seus braços, para que o rei, nosso senhor, se aqueça.

[3] Procuraram, pois, por todos os limites de Israel uma jovem formosa; acharam Abisague, sunamita, e a trouxeram ao rei.

[4] A jovem era sobremaneira formosa; cuidava do rei e o servia, porém o rei não a possuiu.

Adonias usurpa o trono

[5] Então, Adonias, filho de Hagite, se exaltou e disse: Eu reinarei. Providenciou carros, e cavaleiros, e cinqüenta homens que corressem adiante dele.

[6] Jamais seu pai o contrariou, dizendo: Por que procedes assim? Além disso, era ele de aparência mui formosa e nascera depois de Absalão.

[7] Entendia-se ele com Joabe, filho de Zeruia, e com Abiatar, o sacerdote, que, seguindo-o, o ajudavam.

[8] Porém Zadoque, o sacerdote, e Benaia, filho de Joiada, e Natã, o profeta, e Simei, e Reí, e os valentes que Davi tinha não apoiavam Adonias.

1 Ríthe 1

Comharbacht Dháiví

[1]Seanfhear anonn go maith sna blianta ab ea Dáiví rí agus cé gur chuireadar breis brat air níorbh fhéidir dó é féin a théamh.

[2]Dúirt a shearbhóntaí leis: “Faightear ógbhean éigin do mo thiarna an rí agus déanadh sí freastal ar an rí agus tugadh sí aire dó agus luíodh sí ar d'ucht agus coimeádfaidh sin mo thiarna an rí te.”

[3]Rinne siad ógbhean sciamhach a chuardach ar fud críocha Iosrael agus fuair siad Aibíseag ó Shiúnaem agus thug siad chun an rí í.

[4]Bhí barr scéimhe ag an ógbhean agus thug sí aire don rí agus d'fhreastail air, ach níor luigh an rí léi.

[5]Tháinig éirí in airde ar Adoiníá mac Haigít agus mheas sé go mbeadh sé féin ina rí. Fuair sé seisreach agus carbad dá bhrí sin agus caoga fear le rith roimhe.

[6]Ní dhearna a athair trasnáil air riamh á fhiafraí de: “Cén fáth a ndearna tú a leithéid seo?” Fear an-dathúil ab ea é agus rug a mhathair é i ndiaidh Aibseálóm.

[7]Chuaigh sé i gcomhairle le Ióáb mac Zarúá agus leis an sagart Aibíátár, agus leanadarsan é agus chabhraíodar leis.

[8]Ach Zádóc an sagart agus Banáiá mac Iahóideá, agus Nátán fáidh, agus Simeí agus a chomrádaithe, gaiscígh Dháiví, níor thugadar a dtacaíocht d'Adoiníá.

[9] Imolou Adonias ovelhas, e bois, e animais cevados, junto à pedra de Zoelete, que está perto da fonte de Rogel, e convidou todos os seus irmãos, os filhos do rei, e todos os homens de Judá, servos do rei,

[10] porém a Natã, profeta, e a Benaia, e os valentes, e a Salomão, seu irmão, não convidou.

Natã e Bate-Seba advogam a causa de Salomão

[11] Então, disse Natã a Bate-Seba, mãe de Salomão: Não ouviste que Adonias, filho de Hagite, reina e que nosso senhor, Davi, não o sabe?

[12] Vem, pois, e permite que eu te dê um conselho, para que salves a tua vida e a de Salomão, teu filho.

[13] Vai, apresenta-te ao rei Davi e dize-lhe: Não juraste, ó rei, senhor meu, à tua serva, dizendo: Teu filho Salomão reinará depois de mim e se assentará no meu trono? Por que, pois, reina Adonias?

[14] Eis que, estando tu ainda a falar com o rei, eu também entrarei depois de ti e confirmarei as tuas palavras.

[15] Apresentou-se, pois, Bate-Seba ao rei na recâmara; era já o rei mui velho, e Abisague, a sunamita, o servia.

[16] Bate-Seba inclinou a cabeça e prostrou-se perante o rei, que perguntou: Que desejas?

[17] Respondeu-lhe ela: SENHOR meu, juraste à tua serva pelo SENHOR, teu Deus, dizendo: Salomão, teu filho, reinará

[9]Lá dá raibh Adoiníá ag íobairt caorach agus damh agus gamhna biata ag Gallán an tSleamhnáin atá taobh le Tobar an Úcaire, thug sé cuireadh dá bhráithre go léir, clann an rí, agus a raibh d'fhir Iúdá ag seirbhís don rí,

[10]ach níor thug sé cuireadh do Nátán fáidh, ná do Bhanáiá ná do na gaiscígh ná do Sholamh a dhearthair.

[11]Ansin dúirt Nátán le Baitseaba, máthair Sholaimh: “Nár chuala tú go ndearnadh rí d'Adoiníá mac Haigít gan fhios do Dháiví, ár dtiarna?

[12]Glac mo chomhairlese anois más ea más mian leat d'anam féin agus anam Sholaimh do mhic a thabhairt slán.

[13]Gabh isteach ar an toirt go Dáiví rí agus abair leis: ‘Nár mhionnaigh tú, a thiarna rí, do do bhansearbhónta á rá: “Beidh Solamh do mhac ina rí i mo dhiaidh, agus sé a shuífidh i mo ríchathaoir”? Conas, mar sin, go bhfuil Adoiníá ina rí? ’

[14]Agus fad a bheidh tú ag caint leis an rí, tiocfaidh mise isteach i do dhiaidh agus tabharfaidh mé tacaíocht do do chaint.”

[15]Isteach le Baitseaba go dtí an rí mar a raibh sé ina sheomra (bhí an rí an-aosta agus bhí Aibíseag ó Shiúnaem ag freastal air).

[16]Chrom Baitseaba chun talún ag déanamh ómóis don rí, agus dúirt an rí: “Céard is mian leat?”

[17]“A thiarna,” ar sí, “mhionnaigh tú do do bhansearbhónta dar an Tiarna do Dhia: ‘Beidh Solamh do mhac ina rí i mo

depois de mim e ele se assentará no meu trono.

[18] Agora, eis que Adonias reina, e tu, ó rei, meu senhor, não o sabes.

[19] Imolou bois, e animais cevados, e ovelhas em abundância. Convidou todos os filhos do rei, a Abiatar, o sacerdote, e a Joabe, comandante do exército, mas a teu servo Salomão não convidou.

[20] Porém, ó rei, meu senhor, todo o Israel tem os olhos em ti, para que lhe declares quem será o teu sucessor que se assentará no teu trono.

[21] Do contrário, sucederá que, quando o rei, meu senhor, jazer com seus pais, eu e Salomão, meu filho, seremos tidos por culpados.

[22] Estando ela ainda a falar com o rei, eis que entra o profeta Natã.

[23] E o fizeram saber ao rei, dizendo: Aí está o profeta Natã. Apresentou-se ele ao rei, prostrou-se com o rosto em terra perante ele

[24] e disse: Ó rei, meu senhor, acaso disseste: Adonias reinará depois de mim e ele é quem se assentará no meu trono?

[25] Porque, hoje, desceu, imolou bois, e animais cevados, e ovelhas em abundância e convidou todos os filhos do rei, e os chefes do exército, e a Abiatar, o sacerdote, e eis que estão comendo e

dhiaidh, agus sé a shuífidh i mo ríchathaoir.'

[18]Agus féach seo é Adoiníá anois ina rí cé gur gan fhios duitse é, a thiarna rí.

[19]Rinne sé daimh agus gamhna biata agus caoirigh a íobairt go raidhsiúil agus thug sé cuireadh do chlann mhac an rí go léir, don sagart Aibíátár, agus do Ióáb an ceann feadhna; ach d'fhág sé Solamh do shearbhónta gan chuireadh.

[20]Is ortsa anois atá a súile ag gach duine in Iosrael chun go n-ainmneofá comharba ar mo thiarna an rí.

[21]Mura ndeanfaidh tú, sé a tharlóidh, nuair a bheidh mo thiarna an rí ina chodladh lena shinsir, ná go gcuirfear é seo i leith mo mhic Solamh, agus i mo leithse, mar choir."

[22]Agus í fós ag caint leis an rí tháinig an fáidh Nátán isteach.

[23]"Seo é Nátán fáidh," ar siad leis an rí. Agus nuair a tháinig sé isteach i láthair an rí chrom sé chun talún os comhair an rí.

[24]"A thiarna rí liom," arsa Nátán, "an mar seo, más ea, a bheartaigh tú: 'Adoiníá a bheidh ina rí i mo dhiaidhse: eisean atá le suí i mo ríchathaoir'?

[25]Mar ghabh sé síos inniu agus rinne sé daimh agus gamhna biata agus caoirigh a íobairt go raidhsiúil, agus thug sé cuireadh do chlann mhac an rí go léir, do cheannairí an airm, agus d'Aibíátár an sagart; agus tá siad anois ag ithe agus ag

bebendo perante ele; e dizem: Viva o rei Adonias!

26 Porém a mim, sendo eu teu servo, e a Zadoque, o sacerdote, e a Benaia, filho de Joiada, e a Salomão, teu servo, não convidou.

27 Foi isto feito da parte do rei, meu senhor? E não fizeste saber a teu servo quem se assentaria no teu trono, depois de ti?

28 Respondeu o rei Davi e disse: Chamai-me a Bate-Seba. Ela se apresentou ao rei e se pôs diante dele.

29 Então, jurou o rei e disse: Tão certo como vive o SENHOR, que remiu a minha alma de toda a angústia,

30 farei no dia de hoje, como te jurei pelo SENHOR, Deus de Israel, dizendo: Teu filho Salomão reinará depois de mim e se assentará no meu trono, em meu lugar.

31 Então, Bate-Seba se inclinou, e se prostrou com o rosto em terra diante do rei, e disse: Viva o rei Davi, meu senhor, para sempre!

Salomão é constituído rei

32 Disse o rei Davi: Chamai-me Zadoque, o sacerdote, e Natã, o profeta, e Benaia, filho de Joiada. E eles se apresentaram ao rei.

33 Disse-lhes o rei: Tomai convosco os servos de vosso senhor, e fazei montar meu filho Salomão na minha mula, e levai-o a Giom.

ól ina láthair agus ag cur gáire suas: 'Fad saoil don rí Adoiníá.'

26Ach níor thug sé cuireadh domsa, do shearbhónta, ná do Zádóc an sagart, do Bhanáiá mac Iahóideá ná do do shearbhónta Solamh.

27An le cead mo thiarna, an rí, a rinneadh é sin? An amhlaidh nár inis tú don mhuintir atá dílis duit cé tá le suí i gcathaoir mo thiarna an rí i gcomharbacht air?"

Solamh ina Rí

28Ansin labhair Dáiví rí: "Glaoigh chugam ar Bhaitseaba," ar sé. Agus tháinig sise i láthair an rí agus sheas os a chomhair.

29Thug an rí mionn agus dúirt: "Dar an Tiarna beo, an té a d'fhuascail mé ó gach gábh,

30cuirfidh mé i gcrích inniu féin an ní a mhionnaigh mé duit dar an Tiarna Dia Iosrael á rá: 'Solamh do mhac a bheidh ina rí i mo dhiaidh agus a shuífidh i mo ríchathaoir i m'áit.' "

31Ansin chrom Baitseaba chun talún in ómós don rí: "Go maire mo thiarna Dáiví rí, go brách," ar sí.

32Dúirt Dáiví ansin: "Glaoigí chugam ar Zádóc an sagart, ar Nátán fáidh, agus ar Bhanáiá mac Iahóideá," agus thángadarsan i láthair an rí.

33"Tugaigí libh garda bhur dtiarna," arsa an rí, "agus cuirigí Solamh ar muin mo mhiúile féin, agus tugaigí libh síos go Gíohón é.

[34] Zadoque, o sacerdote, com Natã, o profeta, ali o ungirão rei sobre Israel; então, tocareis a trombeta e direis: Viva o rei Salomão!

[34]Déanfaidh Zádóc an sagart agus Nátán fáidh é a ungadh ina rí ar Iosrael ansiúd. Ansin séidigí an stoc agus cuirigí gáir suas: 'Fad saoil do Sholamh rí! '

[35] Subireis após ele, e virá e se assentará no meu trono, pois é ele quem reinará em meu lugar; porque ordenei seja ele príncipe sobre Israel e sobre Judá.

[35]Ansin leanaigí aníos é agus tagadh sé agus suíodh sé i mo ríchathaoir agus beidh sé ina rí i m'ionadsa, óir eisean an té a cheap mé mar rialtóir ar Iosrael agus ar Iúdá."

[36] Então, Benaia, filho de Joiada, respondeu ao rei e disse: Amém! Assim o diga o SENHOR, Deus do rei, meu senhor.

[36]D'fhreagair Banáiá mac Iahóideá an rí: "Amen," ar sé, "agus go gcuire an Tiarna chomh maith [Amen le focail] mo thiarna an rí.

[37] Como o SENHOR foi com o rei, meu senhor, assim seja com Salomão e faça que o trono deste seja maior do que o trono do rei Davi, meu senhor.

[37]Go raibh an Tiarna le Solamh faoi mar a bhí sé le mo thiarna an rí, agus go méadaí sé a ríchathaoir níos mó fiú ná mar a bhí ríchathaoir mo thiarna Dáiví rí!"

[38] Então, desceu Zadoque, o sacerdote, e Natã, o profeta, e Benaia, filho de Joiada, e a guarda real, fizeram montar Salomão a mula que era do rei Davi e o levaram a Giom.

[38]Ansin ghabh Zádóc an sagart, Nátán fáidh, Banáiá mac Iahóideá, na Ceiréitigh agus na Peiléitigh síos; chuir siad Solamh ar muin mhiúil Dháiví rí agus thugadar leo é go Gíohón.

[39] Zadoque, o sacerdote, tomou do tabernáculo o chifre do azeite e ungiu a Salomão; tocaram a trombeta, e todo o povo exclamou: Viva o rei Salomão!

[39]Thóg Zádóc an adharc ola ón bpuball agus d'ungaigh sé Solamh. Shéid siad an stoc agus chuir an pobal go léir gáir suas: "Fad saoil do Sholamh rí!"

[40] Após ele, subiu todo o povo, tocando gaitas e alegrando-se com grande alegria, de maneira que, com o seu clamor, parecia fender-se a terra.

[40]Lean na daoine go léir suas é le ceol píob agus liúireach agus gártha a chuir an talamh ar crith.

Adonias e seus adeptos alarmam-se

[41] Adonias e todos os convidados que com ele estavam o ouviram, quando acabavam de comer; também Joabe ouviu o sonido das trombetas e disse: Que significa esse ruído de cidade alvoroçada?

Eagla ar Adoiniá

[41]Chuala Adoiniá agus na haíonna a bhí in éineacht leis an gheoin agus iad ag deireadh a mbéile. Nuair a chuala Ióáb glór an stoic dúirt sé: "Cén gheoin chorraíola í seo sa chathair?

[42] Estando ele ainda a falar, eis que vem Jônatas, filho de Abiatar, o sacerdote; disse Adonias: Entra, porque és homem valente e trazes boas-novas.

[43] Respondeu Jônatas e disse a Adonias: Pelo contrário, nosso senhor, o rei Davi, constituiu rei a Salomão.

[44] E Davi enviou com ele a Zadoque, o sacerdote, e a Natã, o profeta, e a Benaia, filho de Joiada, e aos da guarda real; e o fizeram montar a mula que era do rei.

[45] Zadoque, o sacerdote, e Natã, o profeta, o ungiram rei em Giom e dali subiram alegres, e a cidade se alvoroçou; esse é o clamor que ouviste.

[46] Também Salomão já está assentado no trono do reino.

[47] Ademais, os oficiais do rei Davi vieram congratular-se com ele e disseram: Faça teu Deus que o nome de Salomão seja mais célebre do que o teu nome; e faça que o seu trono seja maior do que o teu trono. E o rei se inclinou sobre o leito.

[48] Também disse o rei assim: Bendito o SENHOR, Deus de Israel, que deu, hoje, quem se assente no meu trono, vendo-o os meus próprios olhos.

[49] Então, estremeceram e se levantaram todos os convidados que estavam com Adonias, e todos se foram, tomando cada um seu caminho.

Adonias pede indulto

[42]Fad a bhí sé ag caint tháinig Iónátán mac Aibíátár an sagart ar an láthair. “Tar isteach,” arsa Adoiníá, “is duine ionraic thú agus tá dea-scéala leat, ní foláir.”

[43]“Níl,” ar sé leis, “mar rinne ár dtiarna, Dáiví rí, rí de Sholamh.

[44]Chuir an rí Zádóc an sagart leis, agus Nátán fáidh, agus Banáiá mac Iahóideá, agus na Ceiréitigh agus na Peiléitigh; chuir siad ar muin mhiúil an rí é;

[45]agus rinne Zádóc an sagart agus Nátán fáidh é a ungadh ina rí ag Gíohón; agus ghabhadar suas ón áit sin le gártha áthais agus tá an chathair anois ina cíor thuathail; sin í an gheoin a chuala sibh.

[46]Agus, mar rud eile, tá Solamh ina shuí sa chathaoir ríoga,

[47]agus de bhreis air sin, rinne oifigigh an rí gairdeas lenár dtiarna Dáiví rí leis na focail: ‘Go ndéana do Dhia ainm Sholaimh níos glórmhaire fiú ná d'ainmse agus go móra sé a ríchathaoir fiú thar do ríchathaoir féin! ’ Agus chrom an rí a cheann sa leaba

[48]agus dúirt sé: ‘Moladh leis an Tiarna Dia Iosrael, a dheonaigh duine de mo shliocht a shuí i mo ríchathaoir inniu agus mé a fheiceáil le mo shúile cinn.’ ”

[49]Ansin tháinig scéin ar a raibh ar cuireadh ag Adoiníá agus d'éiríodar agus d'imíodar leo, gach duine díobh ag tabhairt a bhóthair féin air féin.

[50] Porém Adonias, temendo a Salomão, levantou-se, foi e pegou nas pontas do altar.

[51] Foi dito a Salomão: Eis que Adonias tem medo de ti, porque pega nas pontas do altar, dizendo: Jure-me, hoje, o rei Salomão que não matará a seu servo à espada.

[52] Respondeu Salomão: Se for homem de bem, nem um de seus cabelos cairá em terra; porém, se se achar nele maldade, morrerá.

[53] Enviou o rei Salomão mensageiros, e o fizeram descer do altar; então, veio ele e se prostrou perante o rei Salomão, e este lhe disse: Vai para tua casa.

1 Reis 2

Davi dá instruções a Salomão e morre

[1] Aproximando-se os dias da morte de Davi, deu ele ordens a Salomão, seu filho, dizendo:

[2] Eu vou pelo caminho de todos os mortais. Coragem, pois, e sê homem!

[3] Guarda os preceitos do SENHOR, teu Deus, para andares nos seus caminhos, para guardares os seus estatutos, e os seus mandamentos, e os seus juízos, e os seus testemunhos, como está escrito na Lei de Moisés, para que prosperes em tudo quanto fizeres e por onde quer que fores;

[4] para que o SENHOR confirme a palavra que falou de mim, dizendo: Se teus filhos

[50]D'éirigh Adoiniá chomh maith, agus, le barr eagla roimh Sholamh, rith sé leis agus rug ar bheanna na haltóra.

[51]Tugadh an scéala go dtí Solamh rí: “Féach, tá eagla ar Adoiniá roimh Sholamh rí; tá greim aige ar bheanna na haltóra agus é á rá: ‘Tugadh Solamh rí a mhionn dom ar dtús nach maróidh sé a shearbhónta le faobhar claímh.’ ”

[52]“Má iompraíonn sé é féin go hionraic,” a d'fhreagair Solamh, “ní thitfidh ribe dá chuid gruaige chun talún; ach má fhaightear mailíseach é, cuirfear chun báis é.”

[53]Chuir Solamh rí fios air dá bhrí sin agus thugadar anuas ón altóir é. Agus tháinig sé agus rinne sé ómós do Sholamh rí. Dúirt Solamh leis: “Gabh abhaile.”

1 Ríthe 2

Bás Dháiví

[1]Nuair a bhí Dáiví ag saothrú an bháis leag sé an cúram seo ar a mhac Solamh:

[2]“Táim ag dul ar shlí na fírinne. Bíodh misneach agat agus iompair thú féin go fearúil.

[3]Cuir orduithe an Tiarna do Dhia i gcrích, lean a shlite agus comhlíon a dhlíthe, a aitheanta, a nósanna, a reachtanna faoi mar atá scríofa i ndlí Mhaois. Ar an dóigh sin beidh an rath ar gach rud a dhéanfaidh tú agus a ghlacfaidh tú ar láimh,

[4]agus cuirfidh an Tiarna i gcrích an gealltanas a thug sé dom á rá: ‘Má bhíonn

guardarem o seu caminho, para andarem perante a minha face fielmente, de todo o seu coração e de toda a sua alma, nunca te faltará sucessor ao trono de Israel.

do chlann mhac aireach faoina n-iompar agus leanúint go dílis dom le lán a gcroí agus a n-anama ní bheidh tú go brách gan fear i gcoróin ar Iosrael.'

5 Também tu sabes o que me fez Joabe, filho de Zeruia, e o que fez aos dois comandantes do exército de Israel, a Abner, filho de Ner, e a Amasa, filho de Jéter, os quais matou, e, em tempo de paz, vingou o sangue derramado em guerra, manchando com ele o cinto que trazia nos lombos e as sandálias nos pés.

5"Rud eile dhe, tá a fhios agat cad a rinne Ióáb mac Zarúá liom, agus cad a rinne sé le beirt cheannaire arm Iosrael, Aibnéar mac Néar agus Amásá mac Ieitir; conas mar a dhúnmharaigh sé iad; conas mar a rinne sé díoltas le linn síochána ar son fola a doirteadh le linn cogaidh; conas mar a smear sé crios mo choime agus cuaráin mo chos le fuil neamhchiontach.

6 Faze, pois, segundo a tua sabedoria e não permitas que suas cãs desçam à sepultura em paz.

6Bíodh sé de chiall agat gan ligean dá cheann liath dul síos go Seol faoi shíocháin.

7 Porém, com os filhos de Barzilai, o gileadita, usarás de benevolência, e estarão entre os que comem à tua mesa, porque assim se houveram comigo, quando eu fugia por causa de teu irmão Absalão.

7Ach maidir le clann mhac Bhairzilí ó Ghileád, bí lách leo faoi mar a bhíodarsan lách liomsa nuair a bhí mé ag teitheadh ó do dheartháir Aibseálóm, agus lig dóibh suí chun boird le do chuideachta.

8 Eis que também contigo está Simei, filho de Gera, filho de Benjamim, de Baurim, que me maldisse com dura maldição, no dia em que ia a Maanaim; porém ele saiu a encontrar-se comigo junto ao Jordão, e eu, pelo SENHOR, lhe jurei, dizendo que o não mataria à espada.

8Tá Simeí mac Ghéará, an Biniáimineach ó Bhachúraím, i do theannta chomh maith. Chuir seisean mallacht mhillteach orm an lá a chuir mé chun bealaigh go Machanáím; ach tháinig sé anuas faoi mo dhéin ag an Iordáin agus mhionnaigh mé dó dar an Tiarna á rá: 'Ní imreoidh mé an claíomh go marfach ort.'

9 Mas, agora, não o tenhas por inculpável, pois és homem prudente e bem saberás o que lhe hás de fazer para que as suas cãs desçam à sepultura com sangue.

9Ach ná scaoilse leis gan phionós; mar is duine ciallmhar thusa agus beidh a fhios agat conas plé leis agus a cheann liath a chur síos go Seol faoi dhoirteadh fola."

[10] Davi descansou com seus pais e foi sepultado na Cidade de Davi.

[11] Foi o tempo que Davi reinou sobre Israel quarenta anos: sete anos em Hebrom e em Jerusalém trinta e três.

[12] Salomão assentou-se no trono de Davi, seu pai, e o seu reino se fortificou sobremaneira.

Morte de Adonias

[13] Então, veio Adonias, filho de Hagite, a Bate-Seba, mãe de Salomão; disse ela: É de paz a tua vinda? Respondeu ele: É de paz.

[14] E acrescentou: Uma palavra tenho que dizer-te. Ela disse: Fala.

[15] Disse, pois, ele: Bem sabes que o reino era meu, e todo o Israel esperava que eu reinasse, ainda que o reino se transferiu e veio a ser de meu irmão, porque do SENHOR ele o recebeu.

[16] Agora, um só pedido te faço; não mo rejeites. Ela lhe disse: Fala.

[17] Ele disse: Peço-te que fales ao rei Salomão (pois não to recusará) que me dê por mulher a Abisague, sunamita.

[18] Respondeu Bate-Seba: Bem, eu falarei por ti ao rei.

[19] Foi, pois, Bate-Seba ter com o rei Salomão, para falar-lhe por Adonias. O rei se levantou a encontrar-se com ela e se inclinou diante dela; então, se assentou no seu trono e mandou pôr uma cadeira para

[10]Ansin thit codladh an bháis ar Dháiví dála a shinsear roimhe agus adhlacadh é i nDúnfort Dháiví.

[11]Bhí daichead bliain caite aige ina rí ar Iosrael, seacht mbliana acu i Heabrón agus trí bliana tríochad i Iarúsailéim.

[12]Shuigh Solamh ar ríchathaoir Dháiví, a athair, agus bunaíodh a ríocht go daingean.

Bás Adoiniá

[13]Chuaigh Adoiniá mac Haigít go Baitseaba máthair Sholaimh [agus chrom le hómós di]. “An turas síochánta é seo agat?” a d'fhiafraigh sí. D'fhreagair sé: “Sea, turas síochánta.”

[14]“Tá rud éigin le rá agam leat,” ar sé léi ansin. “Abair leat,” ar sí.

[15]“Tá a fhios agat,” ar sé, “gur chóir go dtitfeadh an ríocht liomsa, agus go raibh súil ag Iosrael go léir go mbeinnse i mo rí; ach ghabh an ríocht tharam agus thit sí le mo dheartháir mar gur dó a cheap an Tiarna í.

[16]Tá aon achainí amháin agam ort; ná tabhair an t-eiteach dom.” “Abair leat,” ar sise leis.

[17]Lean sé air: “Iarr ar Sholamh rí, le do thoil, Aibíseag ó Shiúnaem a thabhairt dom mar bhean.”

[18]“Ceart go leor,” arsa Baitseaba, “labhróidh mé leis an rí ar do shon.”

[19]Chuaigh Baitseaba go Solamh rí le labhairt leis ar son Adoiniá. D'éirigh an rí roimpi ag teacht di agus chrom in ómós di; shuigh sé ansin ina ríchathaoir agus

sua mãe, e ela se assentou à sua mão direita.

[20] Então, disse ela: Só um pequeno pedido te faço; não mo rejeites. E o rei lhe disse: Pede, minha mãe, porque to não recusarei.

[21] Disse ela: Dê-se Abisague, a sunamita, a Adonias, teu irmão, por mulher.

[22] Então, respondeu o rei Salomão e disse a sua mãe: Por que pedes Abisague, a sunamita, para Adonias? Pede também para ele o reino (porque é meu irmão maior), para ele, digo, e também para Abiatar, o sacerdote, e para Joabe, filho de Zeruia.

[23] E jurou o rei Salomão pelo SENHOR, dizendo: Deus me faça o que lhe aprouver, se não falou Adonias esta palavra contra a sua vida.

[24] Agora, pois, tão certo como vive o SENHOR, que me estabeleceu e me fez assentar no trono de Davi, meu pai, e me edificou casa, como tinha dito, hoje, morrerá Adonias.

[25] Enviou o rei Salomão a Benaia, filho de Joiada, o qual arremeteu contra ele, de sorte que morreu.

Expulso o sacerdote Abiatar

[26] E a Abiatar, o sacerdote, disse o rei: Vai para Anatote, para teus campos, porque és homem digno de morte; porém não te matarei hoje, porquanto levaste a arca do SENHOR Deus diante de Davi, meu pai, e

tugadh cathaoir isteach do mháthair an rí, agus shuigh sí ar a dheis.

[20]“Tá aon achainí bheag amháin agam ort,” ar sí, “agus ná tabhair an t-eiteach dom.” Dúirt an rí léi: “Cuir d'achainí chugam, a mháthair, mar ní thabharfaidh mé an t-eiteach duit.”

[21]“Tugtar,” ar sí, “Aibíseag ó Shiúnaem d'Adoiníá do dhearthháir mar bhean.”

[22]D'fhreagair Solamh rí a mháthair: “Cad faoi deara duit Aibíseag ó Shiúnaem a lorg d'Adoiníá mar bhean? Tá sé chomh maith agat an ríocht a lorg dó chomh maith; mar sé mo dhearthháir is sine é, agus tá Aibíátár an sagart agus Ióáb mac Zarúá ar a thaobh.”

[23]Ansin mhionnaigh Solamh rí dar an Tiarna á rá: “Go ndéana Dia a leithéid siúd liom, agus a thuilleadh fós,” ar sé, “mura dtugann Adoiníá a anam in éiríc na bhfocal sin!

[24]Dar an Tiarna beo, an té sin a chuir mé go daingean i ríchathaoir Dháiví m'athair, agus a thug ríshliocht [dó] mar a gheall sé, cuirfear Adoiníá chun báis inniu féin.”

[25]Sheol Solamh rí Banáiá mac Iahóideá á threascairt, agus fuair sé bás.

Pionós ar Aibíátár agus ar Ióáb

[26]Agus maidir le hAibíátár an sagart, dúirt an rí leis: “Imigh leat go hAnatót go dtí do thailte. Mar tá an bás tuillte agat, ach ní chuirfidh mé chun báis anois thú mar gur iompair tú áirc an Tiarna os comhair

porque te afligiste com todas as aflições de meu pai.

[27] Expulsou, pois, Salomão a Abiatar, para que não mais fosse sacerdote do SENHOR, cumprindo, assim, a palavra que o SENHOR dissera sobre a casa de Eli, em Siló.

Morte de Joabe

[28] Chegando esta notícia a Joabe (porque Joabe se tinha desviado seguindo a Adonias, ainda que se não desviara seguindo a Absalão), fugiu ele para o tabernáculo do SENHOR e pegou nas pontas do altar.

[29] Foi dito ao rei Salomão que Joabe havia fugido para o tabernáculo do SENHOR; e eis que está junto ao altar. Enviou, pois, Salomão a Benaia, filho de Joiada, dizendo: Vai, arremete contra ele.

[30] Foi Benaia ao tabernáculo do SENHOR e disse a Joabe: Assim diz o rei: Sai daí. Ele respondeu: Não, morrerei aqui. Benaia tornou com a resposta ao rei, dizendo: Assim falou Joabe e assim me respondeu.

[31] Disse-lhe o rei: Faze como ele te disse; arremete contra ele e sepulta-o, para que tires de mim e da casa de meu pai a culpa do sangue que Joabe sem causa derramou.

[32] Assim, o SENHOR fará recair a culpa de sangue de Joabe sobre a sua cabeça,

Dháiví m'athair agus go raibh páirt agat in anró m'athar go léir.”

[42] as quatrocentas romãs para as duas redes, isto é, duas fileiras de romãs para cada rede, para cobrirem os dois globos dos capitéis que estavam no alto das colunas;

[43] os dez suportes e as dez pias sobre eles;

[44] o mar com os doze bois por baixo;

[45] os caldeirões, as pás, as bacias e todos estes utensílios que fez Hirão para o rei Salomão, para a Casa do SENHOR, todos eram de bronze polido.

[46] Na planície do Jordão, o rei os fez fundir em terra barrenta, entre Sucote e Zaretã.

báisín, báisín do gach seastán de na deich gcinn.

[40] Chóirigh sé na báisíní, cúig cinn ar thaobh deas an Teampaill agus cúig cinn ar a thaobh clé, agus chuir sé an mhuir ar thaobh deas an Teampaill, sa chúinne thoir theas.

[41] Rinne Híorám na luaithreáin chomh maith, na sluaistí agus na babhlaí. Chuir sé críoch mar sin leis an saothar go léir a rinne sé do Sholamh rí ar Theampall an Tiarna:

[42] an dá cholún, an dá mhúnláil ar na mullaí ar bharr na gcolún; an dá shraith fíolagráin leis an dá mhúnláil ar na mullaí ar bharr na gcolún a chumhdach;

[43] an ceithre chéad pomagránait don dá shraith fíolagráin; bhí na pomagránaití ar gach ceann de na fíolagráin ina dhá sraith (leis an dá mhúnláil ar na mullaí ar bharr na gcolún a chumhdach);

[44] na deich seastáin agus na deich mbáisíní ar na seastáin;

[45] an aon mhuir agus an dá dhamh déag faoin muir;

[46] na luaithreáin, na sluaistí, agus na babhlaí. Ba de chré-umha líofa na gréithe seo go léir a rinne Híorám do Sholamh rí, do Theampall an Tiarna.

[47] Rinne sé iad trí [ghaineamhtheilgean] i ndúiche na Iordáine idir Sucót agus Záratán.

[47] Deixou Salomão de pesar todos os utensílios pelo seu excessivo número, não se verificando, pois, o peso do seu bronze.

[48] Também fez Salomão todos os utensílios do Santo Lugar do SENHOR: o altar de ouro e a mesa de ouro, sobre a qual estavam os pães da proposição;

[49] os castiçais de ouro finíssimo, cinco à direita e cinco à esquerda, diante do Santo dos Santos; as flores, as lâmpadas e as espevitadeiras, também de ouro;

[50] também as taças, as espevitadeiras, as bacias, os recipientes para incenso e os braseiros, de ouro finíssimo; as dobradiças para as portas da casa interior para o Santo dos Santos e as das portas do Santo Lugar do templo, também de ouro.

As dádivas de Davi colocadas no templo

2 Crônicas 5.1

[51] Assim, se acabou toda a obra que fez o rei Salomão para a Casa do SENHOR; então, trouxe Salomão as coisas que Davi, seu pai, havia dedicado; a prata, o ouro e os utensílios, ele os pôs entre os tesouros da Casa do SENHOR.

1 Reis 8

Salomão traz para o templo a arca

2 Crônicas 5.2-14

[1] Congregou Salomão os anciãos de Israel, todos os cabeças das tribos, os príncipes das famílias dos israelitas, diante de si em Jerusalém, para fazerem subir a arca da Aliança do SENHOR da Cidade de Davi, que é Sião, para o templo.

[48]D'fhág Solamh na hárais go léir gan meá, mar bhí an oiread sin díobh ann; níor tomhaiseadh riamh meáchan an chré-umha.

[49] Chuir Solamh na gréithe go léir a rinne sé i dTeampall an Tiarna: an altóir óir, an bord óir do bhuilíní na láithreachta;

[50] na coinnleoirí d'ór fíre, cúig cinn ar dheis agus cúig cinn ar chlé os comhair an tsanctóra; na bláthanna ornáideacha, na lóchrainn agus an teanchair, d'ór;

[51] na cuacha, na smóladáin, na babhlaí, na loingíní túise, agus na túisteáin, d'ór fíre; ceapa doirse d'ór do dhoirse an tsanctóra, an áit shárnaofa is é sin, agus do dhoirse halla an Teampaill.

[52] Ar an gcuma sin cuireadh i gcrích an obair go léir a rinne Solamh rí do Theampall an Tiarna, agus thug Solamh leis isteach na nithe go léir a rinne Solamh a athair a thíolacadh, idir airgead agus ór agus ghréithe, agus chuir iad i gciste Theampall an Tiarna.

1 Ríthe 8

An Áirc á cur sa Teampall

[1]Chruinnigh Solamh seanóirí Iosrael le chéile in Iarúsailéim chun go dtabharfaidís áirc chonradh an Tiarna aníos ó Shíón, Dúnfort Dháiví.

[2] Todos os homens de Israel se congregaram junto ao rei Salomão na ocasião da festa, no mês de etanim, que é o sétimo.

[3] Vieram todos os anciãos de Israel, e os sacerdotes tomaram a arca do SENHOR

[4] e a levaram para cima, com a tenda da congregação, e também os utensílios sagrados que nela havia; os sacerdotes e levitas é que os fizeram subir.

[5] O rei Salomão e toda a congregação de Israel, que se reunira a ele, estavam todos diante da arca, sacrificando ovelhas e bois, que, de tão numerosos, não se podiam contar.

[6] Puseram os sacerdotes a arca da Aliança do SENHOR no seu lugar, no santuário mais interior do templo, no Santo dos Santos, debaixo das asas dos querubins.

[7] Pois os querubins estendiam as asas sobre o lugar da arca e, do alto, cobriam a arca e os varais.

[8] Os varais sobressaíam tanto, que suas pontas eram vistas do Santo Lugar, defronte do Santo dos Santos, porém de fora não se viam. Ali, estão até ao dia de hoje.

[9] Nada havia na arca senão as duas tábuas de pedra, que Moisés ali pusera junto a Horebe, quando o SENHOR fez aliança com os filhos de Israel, ao saírem da terra do Egito.

[2]Bhailigh fir Iosrael ar fad timpeall an rí Solamh i mí Éatáiním le linn na féile (an seachtú mí, sé sin)

[3]agus thug na sagairt an áirc suas leo,

[4]agus Both na Teagmhála, mar aon leis na soithí naofa go léir a bhí istigh ann.

[5]D'ofráil an rí Solamh agus Iosrael ar fad íobairtí os comhair na háirce, caoirigh agus daimh gan áireamh gan chuimse.

[6]D'iompair na sagairt áirc chonradh an Tiarna go dtí a hionad i sanctóir an Teampaill, is é sin san áit shárnaofa, faoi sciatháin na gceiribíní.

[7]San áit inar cuireadh an áirc bhí sciatháin na gceiribíní spréite amach mar scáth os cionn na háirce agus a pollaí.

[8]Bhí siad sin chomh fada sin gurbh fhéidir a ndeirí a fheiceáil ón áit naofa os comhair an tsanctóra, ach níorbh fhéidir ó lasmuigh.

[9]Ní raibh rud ar bith san áirc ach an dá thábla chloiche a chuir Maois inti i Horaeb, táblaí an chonartha a rinne an Tiarna le clann Iosrael nuair a tháinig siad amach as tír na hÉigipte.

[10] Tá siad ansin fós go dtí an lá inniu.

[10] Tendo os sacerdotes saído do santuário, uma nuvem encheu a Casa do SENHOR,

[11] de tal sorte que os sacerdotes não puderam permanecer ali, para ministrar, por causa da nuvem, porque a glória do SENHOR enchera a Casa do SENHOR.

Salomão fala ao povo

2 Crônicas 6.1-11

[12] Então, disse Salomão: O SENHOR declarou que habitaria em trevas espessas.

[13] Na verdade, edifiquei uma casa para tua morada, lugar para a tua eterna habitação.

[14] Voltou, então, o rei o rosto e abençoou a toda a congregação de Israel, enquanto se mantinha toda em pé;

[15] e disse: Bendito seja o SENHOR, o Deus de Israel, que falou pessoalmente a Davi, meu pai, e pelo seu poder o cumpriu, dizendo:

[16] Desde o dia em que tirei Israel, o meu povo, do Egito, não escolhi cidade alguma de todas as tribos de Israel, para edificar uma casa a fim de ali estabelecer o meu nome; porém escolhi a Davi para chefe do meu povo de Israel.

[17] Também Davi, meu pai, propusera em seu coração o edificar uma casa ao nome do SENHOR, o Deus de Israel.

[18] Porém o SENHOR disse a Davi, meu pai: Já que desejaste edificar uma casa ao meu nome, bem fizeste em o resolver em teu coração.

[11] Nuair a tháinig na sagairt amach as an sanctóir, líonadh Teampall an Tiarna leis an néal.

[12] De bharr an néil níor fhéad na sagairt leanúint níos faide dá ndualgais freastail; bhí Teampall an Tiarna líonta de ghlóir an Tiarna.

[13] Dúirt Solamh ansin: “Chinn an Tiarna go lonnódh sé sa néal tiubh.

[14] Is ea go deimhin, tá áit chónaithe tógtha agam duit, Áit duit chun cónaí ann go brách.”

[15] Ansin chas an rí timpeall agus chuir a bheannacht ar chomhthionól Iosrael go léir, agus comhthionól Iosrael go léir ina seasamh.

[16]Dúirt sé: “Moladh leis an Tiarna, Dia Iosrael, a chuir i ngníomh ó láimh gach ar gheall sé ó bhéal do Dháiví m'athair nuair a dúirt sé:

[17] Ón lá a thug mé mo phobal Iosrael amach as an Éigipt, níor roghnaigh mé aon chathair, in aon treibh de chuid Iosrael go léir, le teach a thógáil inti le go lonnódh m'ainm ann, ach roghnaigh mé Dáiví le mo phobal Iosrael a rialú.”

[18] Ba é mian croí m'athar Dáiví teach a thógáil d'ainm an Tiarna, Dia Iosrael.

[19] Ach dúirt an Tiarna: ‘Is é mian do chroí teach a thógáil do m'ainm, agus is maith uait sin a bheith i do chroí:

[19] Todavia, tu não edificarás a casa, porém teu filho, que descenderá de ti, ele a edificará ao meu nome.

[20] Assim, cumpriu o SENHOR a sua palavra que tinha dito, pois me levantei em lugar de Davi, meu pai, e me assentei no trono de Israel, como prometera o SENHOR; e edifiquei a casa ao nome do SENHOR, o Deus de Israel.

[21] E nela constituí um lugar para a arca, em que estão as tábuas da aliança que o SENHOR fez com nossos pais, quando os tirou da terra do Egito.

Salomão ora a Deus

2 Crônicas 6.12-42

[22] Pôs-se Salomão diante do altar do SENHOR, na presença de toda a congregação de Israel; e estendeu as mãos para os céus

[23] e disse: Ó SENHOR, Deus de Israel, não há Deus como tu, em cima nos céus nem embaixo na terra, como tu que guardas a aliança e a misericórdia a teus servos que de todo o coração andam diante de ti;

[24] que cumpriste para com teu servo Davi, meu pai, o que lhe prometeste; pessoalmente o disseste e pelo teu poder o cumpriste, como hoje se vê.

[25] Agora, pois, ó SENHOR, Deus de Israel, faze a teu servo Davi, meu pai, o que lhe declaraste, dizendo: Não te faltará sucessor diante de mim, que se assente no trono de Israel, contanto que teus filhos

[20] ach mar sin féin ní tú an té a thógfaidh an teach; sé do mhac, an té a ghinfear ó d'fheoil féin, a thógfaidh an teach do m'ainm.'

[21] Chomhlíon an Tiarna an gealltanas a thug sé; tháinig mise i gcomharbacht ar m'athair Dáiví agus táim i mo shuí i ríchathaoir Iosrael, faoi mar a gheall an Tiarna; tá an teach tógtha agam d'ainm an Tiarna, Dia Iosrael,

[22] agus tá ionad déanta agam ann don áirc ina bhfuil an conradh a rinne an Tiarna lenár sinsir nuair a thug sé amach as tír na hÉigipte iad."

Paidir Sholaimh

[23] Ansin, i láthair chomhthionól Iosrael go léir, sheas Solamh os comhair altóir an Tiarna, agus shín sé a lámha amach i dtreo na bhflaitheas

[24] agus dúirt: "A Thiarna, Dia Iosrael, níl aon Dia cosúil leatsa ar neamh thuas, ná ar talamh thíos; tá tú dílis do do chonradh agus buanghrách le do shearbhóntaí nuair a chloíonn siad le do bhealaí le hiomlán a gcroí.

[25] Chomhlíon tú an gealltanas a thug tú do do shearbhónta Dáiví, m'athair; gach ar gheall tú ó bhéal, chuir tú i ngníomh ó láimh inniu.

[26] Agus anois, a Thiarna, Dia Iosrael, coinnigh an gealltanas a thug tú do do shearbhónta Dáiví, m'athair, á rá: 'Ní bheidh tú choíche gan fear le suí os mo chomhair ar ríchathaoir Iosrael, ar choinníoll go dtabharfaidh do chlann

guardem o seu caminho, para andarem diante de mim como tu andaste.

26 Agora também, ó Deus de Israel, cumpra-se a tua palavra que disseste a teu servo Davi, meu pai.

27 Mas, de fato, habitaria Deus na terra? Eis que os céus e até o céu dos céus não te podem conter, quanto menos esta casa que eu edifiquei.

28 Atenta, pois, para a oração de teu servo e para a sua súplica, ó SENHOR, meu Deus, para ouvires o clamor e a oração que faz, hoje, o teu servo diante de ti.

29 Para que os teus olhos estejam abertos noite e dia sobre esta casa, sobre este lugar, do qual disseste: O meu nome estará ali; para ouvires a oração que o teu servo fizer neste lugar.

30 Ouve, pois, a súplica do teu servo e do teu povo de Israel, quando orarem neste lugar; ouve no céu, lugar da tua habitação; ouve e perdoa.

31 Se alguém pecar contra o seu próximo, e lhe for exigido que jure, e ele vier a jurar diante do teu altar, nesta casa,

32 ouve tu nos céus, e age, e julga teus servos, condenando o perverso, fazendo recair o seu proceder sobre a sua cabeça e

mhac aire dá n-iompar agus siúl os mo chomhair mar a rinne tusa féin.'

27 Daingnigh más ea anois, a Dhia Iosrael, na focail a labhair tú le do shearbhónta, Dáiví, m'athair.

28 Ach an ndéanfaidh Dia cónaí dáiríre [i measc an chine dhaonna] ar talamh? Féach! ní féidir leis na flaithis féin ná lena bhflaithis siúd arís thú a choinneáil. Nach lúide mar sin is féidir leis an teach seo atá tógtha agamsa?

29 Ach éist le hurnaí agus le himpí do shearbhónta, a Thiarna mo Dhia; tabhair cluas don ghlaoch agus don ghuí a chuireann do shearbhónta suas chugat inniu.

30 De lá agus d'oíche bíodh do shúile ag tabhairt aire don teach seo, an áit seo faoina ndúirt tú féin: 'Is ansin a bheidh m'ainm.' Éist leis an nguí a ofrálfaidh do shearbhónta i dtreo na háite seo.

31 Agus éist le hachainí do shearbhónta agus do phobail Iosrael nuair a ghuífidh siad i dtreo na háite seo. Sea éist i d'áras ar neamh, agus nuair a chloisfidh tú, tabhair maithiúnas!

32 "Má pheacaíonn duine in aghaidh a chomharsan, agus go nglaonn an chomharsa mallacht [sa mhullach air], agus go gcuireann sé iallach air mionn a thabhairt os comhair d'altóra sa Teampall seo,

33 éistse sna flaithis agus déan beart, agus tabhair breith idir do shearbhóntaí; daor an ciontach agus tabhair a iompar sa

justificando ao justo, para lhe retribuíres segundo a sua justiça.

[33] Quando o teu povo de Israel, por ter pecado contra ti, for ferido diante do inimigo, e se converter a ti, e confessar o teu nome, e orar, e suplicar a ti, nesta casa,

[34] ouve tu nos céus, e perdoa o pecado do teu povo de Israel, e faze-o voltar à terra que deste a seus pais.

[35] Quando os céus se cerrarem, e não houver chuva, por ter o povo pecado contra ti, e orar neste lugar, e confessar o teu nome, e se converter dos seus pecados, havendo-o tu afligido,

[36] ouve tu nos céus, perdoa o pecado de teus servos e do teu povo de Israel, ensinando-lhes o bom caminho em que andem, e dá chuva na tua terra, que deste em herança ao teu povo.

[37] Quando houver fome na terra ou peste, quando houver crestamento ou ferrugem, gafanhotos e larvas, quando o seu inimigo o cercar em qualquer das suas cidades ou houver alguma praga ou doença,

[38] toda oração e súplica que qualquer homem ou todo o teu povo de Israel fizer, conhecendo cada um a chaga do seu coração e estendendo as mãos para o rumo desta casa,

mhullach air féin; cosain an fíréan agus tabhair luach saothair dó de réir a fhíréantachta.

[34] Nuair a bhéarfaidh an namhaid an bua ar do phobal Iosrael mar gur pheacaigh siad i d'aghaidh, má iompaíonn siad ar ais chugat, agus d'ainm a mholadh, agus idirghuí agus impí a dhéanamh chugat, sa teach seo,

[35] tabhair cluas dóibh ó na flaithis agus maith a bpeaca do do phobal Iosrael, agus tabhair ar ais iad chun na tíre a thug tú dá sinsir.

[36] Nuair a dhúnfar na spéartha agus nach mbeidh aon bháisteach mar gur pheacaíodar i d'aghaidh, má dhéanann siad guí i dtreo na háite seo, agus d'ainm a mholadh, agus [go n-umhlaíonn] tú iad agus go ndéanann siad aithrí ina bpeaca,

[37] tabhair cluas dóibh ó na flaithis agus maith peaca do shearbhóntaí agus do phobail Iosrael; múin dóibh cosán na fíréantachta atá le leanúint acu, agus fear fearthainn ar do thír, an tír a thug tú do do phobal mar oidhreacht.

[38] “Má bhíonn gorta sa tír, nó plá nó aicíd, nó coincleacha, nó lócaiste, nó cruimh; má chuireann namhaid an phobail seo léigear [ar gheata] dá gcathair; má bhíonn fiabhras nó galar;

[39] má thagann doilíos croí ar aon duine (nó ar phobal Iosrael go léir) agus go ndéanann sé impí nó achainí, agus go síneann sé a lámha amach i dtreo an Teampaill seo,

[39] ouve tu nos céus, lugar da tua habitação, perdoa, age e dá a cada um segundo todos os seus caminhos, já que lhe conheces o coração, porque tu, só tu, és conhecedor do coração de todos os filhos dos homens;

[40] para que te temam todos os dias que viverem na terra que deste a nossos pais.

[41] Também ao estrangeiro, que não for do teu povo de Israel, porém vier de terras remotas, por amor do teu nome

[42] (porque ouvirão do teu grande nome, e da tua mão poderosa, e do teu braço estendido), e orar, voltado para esta casa,

[43] ouve tu nos céus, lugar da tua habitação, e faze tudo o que o estrangeiro te pedir, a fim de que todos os povos da terra conheçam o teu nome, para te temerem como o teu povo de Israel e para saberem que esta casa, que eu edifiquei, é chamada pelo teu nome.

[44] Quando o teu povo sair à guerra contra o seu inimigo, pelo caminho por que o enviares, e orar ao SENHOR, voltado para esta cidade, que tu escolheste, e para a casa, que edifiquei ao teu nome,

[45] ouve tu nos céus a sua oração e a sua súplica e faze-lhe justiça.

[46] Quando pecarem contra ti (pois não há homem que não peque), e tu te indignares

[40] tabhair cluas ó na flaithis mar a bhfuil d'áitreabh; tabhair maithiúnas agus déan beart; cúitigh le cách de réir a iompair go léir - mar is duit amháin is eol croí gach duine de shíol fir -

[41] ionas go mbeidh urraim acu duit an dá lá déag agus an fhaid a mhairfidh siad sa tír a thug tú dar sinsir.

[42] “Agus an strainséir chomh maith nach mbaineann le do phobal Iosrael, má thagann sé ón imigéin ar son d'ainm -

[43] mar cloisfear trácht thar d'ainm, thar do láimh thréan, agus thar do ghéag ar tinneall - má thagann sé agus guí a dhéanamh i dtreo an Teampaill seo,

[44] tabhair cluas dó ó na flaithis mar a bhfuil d'áitreabh, agus deonaigh gach a n-iarrfaidh an strainséir agus é ag glaoch chugat, ionas go bhfaighidh ciníocha uile an domhain eolas ar d'ainm, agus, dála do phobail Iosrael, go mbeidh urraim acu duit, agus go mbeidh a fhios acu gur tugadh d'ainm ar an Teampall seo a thóg mé.

[45] “Má théann do phobal chun cogaidh in aghaidh a naimhde, cibé bealach ar a seolfaidh tú iad, agus má chasann siad i dtreo na cathrach a thogh tú agus i dtreo an Teampaill a thóg mé do d'ainm, agus guí chun an Tiarna,

[46] tabhair cluas ó na flaithis dá n-impí agus dá n-achainí, agus seas leo.

[47] “Má pheacaíonn siad i d'aghaidh - mar níl duine beo nach ndéanann peaca - agus

contra eles, e os entregares às mãos do inimigo, a fim de que os leve cativos à terra inimiga, longe ou perto esteja;

go dtiocfaidh fearg ort chucu agus iad a thabhairt suas dá namhaid i dtreo go dtabharfar chun siúil iad mar dhaoir go tír a namhad i gcéin nó i gcóngar;

47 e, na terra aonde forem levados cativos, caírem em si, e se converterem, e, na terra do seu cativeiro, te suplicarem, dizendo: Pecamos, e perversamente procedemos, e cometemos iniqüidade;

48 má thagann ciall dóibh i dtír a ndeoraíochta agus go ndéanfaidh siad aithrí, agus guí a chur chugat i bhfearann lucht a gcloíte á rá: 'Pheacaíomar, rinneamar an t-olc agus an peaca, '

48 e se converterem a ti de todo o seu coração e de toda a sua alma, na terra de seus inimigos que os levarem cativos, e orarem a ti, voltados para a sua terra, que deste a seus pais, para esta cidade que escolheste e para a casa que edifiquei ao teu nome;

49 agus má iompaíonn siad ar ais chugat ó chroí go hiomlán agus ó anam go hiomlán, i dtír a naimhde, an mhuintir a rug leo ina ndaoir iad, agus má chuireann siad achainí chugat agus a n-aghaidh i dtreo na tíre a thug tú dá sinsir, i dtreo na cathrach a thogh tú, agus i dtreo an Teampaill a thóg mé do d'ainm,

49 ouve tu nos céus, lugar da tua habitação, a sua prece e a sua súplica e faze-lhes justiça,

50tabhair cluas dóibh ó na flaithis mar a bhfuil d'áitreabh (agus éist lena n-achainí agus lena n-impí agus seas leo).

50 perdoa o teu povo, que houver pecado contra ti, todas as suas transgressões que houverem cometido contra ti; e move tu à compaixão os que os levaram cativos para que se compadeçam deles.

51 Agus maith do do phobal na peacaí a rinneadar i do choinne, agus na cionta go léir lenar chiontaíodar i d'aghaidh, agus deonaigh go mbainfidh siad amach fabhar lucht a gcloíte ionas go mbeadh trua acu dóibh,

51 Porque é o teu povo e a tua herança, que tiraste da terra do Egito, do meio do forno de ferro;

52 óir is iad do phobal iad, agus d'oidhreacht a thug tú amach as an Éigipt, as lár an fhoirnéis iarainn úd."

52 para que teus olhos estejam abertos à súplica do teu servo e à súplica do teu povo de Israel, a fim de os ouvires em tudo quanto clamarem a ti.

Dúnadh agus Beannacht

53 a "Bíodh do shúile ar leathadh i gcónaí d'impí do shearbhónta agus do phobail Iosrael, agus tabhair cluas dóibh i gcónaí nuair a ghlaofaidh siad ort.

53 Pois tu, ó SENHOR Deus, os separaste dentre todos os povos da terra para tua

54 Mar is tusa a roghnaigh iad ó phobail na cruinne go léir mar oidhreacht agat féin,

herança, como falaste por intermédio do teu servo Moisés, quando tiraste do Egito a nossos pais.

Salomão abençoa ao povo

54 Tendo Salomão acabado de fazer ao SENHOR toda esta oração e súplica, estando de joelhos e com as mãos estendidas para os céus, se levantou de diante do altar do SENHOR,

55 pôs-se em pé e abençoou a toda a congregação de Israel em alta voz, dizendo:

56 Bendito seja o SENHOR, que deu repouso ao seu povo de Israel, segundo tudo o que prometera; nem uma só palavra falhou de todas as suas boas promessas, feitas por intermédio de Moisés, seu servo.

57 O SENHOR, nosso Deus, seja conosco, assim como foi com nossos pais; não nos desampare e não nos deixe;

58 a fim de que a si incline o nosso coração, para andarmos em todos os seus caminhos e guardarmos os seus mandamentos, e os seus estatutos, e os seus juízos, que ordenou a nossos pais.

59 Que estas minhas palavras, com que supliquei perante o SENHOR, estejam presentes, diante do SENHOR, nosso Deus, de dia e de noite, para que faça ele justiça ao seu servo e ao seu povo de Israel, segundo cada dia o exigir,

mar a d'fhógair tú trí Mhaois do shearbhónta, nuair thug tú ár sinsir ón Éigipt amach, a Thiarna Dia.”

55 Nuair a bhí an achainí agus an urnaí seo go léir curtha ag Solamh i láthair an Tiarna, d'éirigh sé dá ghlúine mar a raibh sé lena lámha sínte suas amach chun na bhflaitheas aige os comhair altóir an Tiarna,

56 agus sheas sé agus chuir sé a bheannacht ar chomhthionól Iosrael go léir in ard a ghutha á rá:

57 “Moladh leis an Tiarna a thug suaimhneas dá phobal Iosrael de réir gach ar gheall sé; níor theip ar oiread agus ceann de na nithe fónta go léir a gheall sé trí bhéal Mhaois a shearbhónta.

58 Go raibh an Tiarna ár nDia inár dteanntana mar a bhí sé i dteannta ár sinsear; ná tréigeadh sé choíche sinn agus ná caitheadh sé i leataobh sinn.

59 Go n-iompaí sé ár gcroí chuige féin ionas go leanfaimid a bhealaí go léir agus a aitheanta a choimeád, agus a dhlíthe agus na reachtanna a thug sé dár sinsir.

60 Go raibh na briathra seo de mo chuid, lena ndearna mé urnaí os comhair an Tiarna, i bhfianaise an Tiarna mo Dhia, de lá agus d'oíche, agus go seasa sé lena shearbhónta, agus go seasa sé lena phobal Iosrael de réir mar éileofar lá i ndiaidh lae;

[60] para que todos os povos da terra saibam que o SENHOR é Deus e que não há outro.

[61] Seja perfeito o vosso coração para com o SENHOR, nosso Deus, para andardes nos seus estatutos e guardardes os seus mandamentos, como hoje o fazeis.

A conclusão da solenidade
2 Crônicas 7.4-10

[62] E o rei e todo o Israel com ele ofereceram sacrifícios diante do SENHOR. [63] Ofereceu Salomão em sacrifício pacífico o que apresentou ao SENHOR, vinte e dois mil bois e cento e vinte mil ovelhas. Assim, o rei e todos os filhos de Israel consagraram a Casa do SENHOR.

[64] No mesmo dia, consagrou o rei o meio do átrio que estava diante da Casa do SENHOR; porquanto ali preparara os holocaustos e as ofertas com a gordura dos sacrifícios pacíficos; porque o altar de bronze que estava diante do SENHOR era muito pequeno para nele caberem os holocaustos, as ofertas de manjares e a gordura dos sacrifícios pacíficos.

[65] No mesmo tempo, celebrou Salomão também a Festa dos Tabernáculos e todo o Israel com ele, uma grande congregação, desde a entrada de Hamate até ao rio do Egito, perante o SENHOR, nosso Deus; por sete dias além dos primeiros sete, a saber, catorze dias.

[66] No oitavo dia desta festa, despediu o povo, e eles abençoaram o rei; então, se

[61] ionas go mbeidh a fhios ag cinícocha na cruinne go léir gurb é an Tiarna is Dia ann dáiríre, agus nach bhfuil ann ach é.

[62] Go raibh bhur gcroí go hiomlán dá réir sin leis an Tiarna ár nDia, agus go gcoimeáda sibh a dhlíthe agus go gcomhlíona sibh a aitheanta dála an lae inniu."

Íobairtí Coisreacain

[63] Ansin d'ofráil an rí agus Iosrael go léir íobairtí i bhfianaise an Tiarna.

[64] D'ofráil Solamh dhá mhíle fichead damh agus céad agus fiche míle caora mar íobairtí comaoineach don Tiarna. Mar sin a rinne an rí agus clann Iosrael go léir Teampall an Tiarna a choisreacan.

[65] An lá céanna rinne an rí an chúirt mheánach os comhair Theampall an Tiarna a choisreacan; mar d'ofráil sé ansiúd an íobairt uileloiscthe, an abhlann, agus codanna méithe na n-íobairtí comaoineach, mar go raibh an altóir chré-umha a bhí os comhair an Tiarna róbheag chun an íobairt uileloiscthe, an abhlann agus codanna méithe na n-íobairtí comaoineach a choinneáil.

[66] Rinne Solamh an fhéile a cheiliúradh an t-am sin in éineacht le hIosrael go léir, comhthionól mór ó bhealach Hamát go sileán na hÉigipte, agus sin i láthair an Tiarna ár nDia, ar feadh [seacht lá].

[67] Ar an ochtú lá chuir sé an pobal chun siúil; d'fhágadarsan slán agus beannacht

foram às suas tendas, alegres e de coração contente por causa de todo o bem que o SENHOR fizera a Davi, seu servo, e a Israel, seu povo.

1 Reis 9

A aliança do Senhor com Salomão
2 Crônicas 7.11-22

[1] Sucedeu, pois, que, tendo acabado Salomão de edificar a Casa do SENHOR, e a casa do rei, e tudo o que tinha desejado e designara fazer,

[2] o SENHOR tornou a aparecer-lhe, como lhe tinha aparecido em Gibeão,

[3] e o SENHOR lhe disse: Ouvi a tua oração e a tua súplica que fizeste perante mim; santifiquei a casa que edificaste, a fim de pôr ali o meu nome para sempre; os meus olhos e o meu coração estarão ali todos os dias.

[4] Se andares perante mim como andou Davi, teu pai, com integridade de coração e com sinceridade, para fazeres segundo tudo o que te mandei e guardares os meus estatutos e os meus juízos,

[5] então, confirmarei o trono de teu reino sobre Israel para sempre, como falei acerca de Davi, teu pai, dizendo: Não te faltará sucessor sobre o trono de Israel.

[6] Porém, se vós e vossos filhos, de qualquer maneira, vos apartardes de mim e não guardardes os meus mandamentos e os meus estatutos, que vos prescrevi, mas

ag an rí agus d'imíodar abhaile agus a gcroí lán de lúcháir agus d'áthas de bharr an chineáltais go léir a thaispeáin an Tiarna do Dháiví agus dá phobal Iosrael.

1 Ríthe 9

Fís Eile

[1]Nuair a bhí deireadh déanta ag Solamh ag tógáil Theampall an Tiarna, agus an pháláis, agus gach ar mhian leis a thógáil,

[2]thaispeáin an Tiarna é féin arís do Sholamh faoi mar a thaispeáin sé é féin dó i nGibeón.

[3]Dúirt an Tiarna leis: “D'eist mé le d'urnaí agus leis an achainí a rinne tú os mo chomhair. Choisric mé an teach seo a thóg tú, agus chuir mé m'ainm ann go brách; beidh mo shúile agus mo chroí ann go brách na breithe.

[4]Agus maidir leat féin, má shiúlann tú i mo láthair le glaine chroí agus le hionracas, mar a rinne Dáiví d'athair, má dhéanann tú gach ar ordaigh mé duit, agus má chomhlíonann tú mo dhlíthe agus mo reachtanna,

[5]daingneoidh mé do ríchathaoir os cionn Iosrael go deo, faoi mar a gheall mé do Dhháiví d'athair á rá: ‘Ní bheidh tú riamh gan fear i ríchathaoir Iosrael.’

[6]Ach má iompaíonn sibh féin uaim agus gan mé a leanúint, nó bhur gclann mhac, agus nach gcoimeádfaidh sibh na haitheanta ná na reachtanna a chuir mé romhaibh, ach imeacht agus seirbhís a

fordes, e servirdes a outros deuses, e os adorardes,

[7] então, eliminarei Israel da terra que lhe dei, e a esta casa, que santifiquei a meu nome, lançarei longe da minha presença; e Israel virá a ser provérbio e motejo entre todos os povos.

[8] E desta casa, agora tão exaltada, todo aquele que por ela passar pasmará, e assobiará, e dirá: Por que procedeu o SENHOR assim para com esta terra e esta casa?

[9] Responder-se-lhe-á: Porque deixaram o SENHOR, seu Deus, que tirou da terra do Egito os seus pais, e se apegaram a outros deuses, e os adoraram, e os serviram. Por isso, trouxe o SENHOR sobre eles todo este mal.

As demais atividades de Salomão

2 Crônicas 8.1-18

[10] Ao fim de vinte anos, terminara Salomão as duas casas, a Casa do SENHOR e a casa do rei.

[11] Ora, como Hirão, rei de Tiro, trouxera a Salomão madeira de cedro e de cipreste e ouro, segundo todo o seu desejo, este lhe deu vinte cidades na terra da Galiléia.

[12] Saiu Hirão de Tiro a ver as cidades que Salomão lhe dera, porém não lhe agradaram.

[13] Pelo que disse: Que cidades são estas que me deste, irmão meu? E lhes chamaram Terra de Cabul, até hoje.

dhéanamh do dhéithe eile agus iad a adhradh,

[7]ansin déanfaidh mé Iosrael a dhíbirt ón tír a thug mé dóibh agus caithfidh mé uaim as mo radharc an Teampall seo a choisric mé do m'ainm, agus beidh Iosrael ina sheanfhocal agus ina nath i measc na gciníocha go léir.

[8]Agus maidir leis an Teampall seo, déanfar leachtán de; cuirfidh sé alltacht ar gach duine a ghabhfaidh thar bráid; ligfidh siad fead agus déarfaidh siad: 'Cén fáth ar thug an Tiarna an cor seo ar an tír agus ar an Teampall seo? '

[9]Agus sé freagra a gheobhaidh siad: 'Mar gur thréig siad an Tiarna a nDia a thug a sinsir amach as tír na hÉigipte, agus gur ghlac siad chucu déithe eile agus gur thug siad ómós agus seirbhís dóibh; sin é an fáth ar thug an Tiarna an drochíde sin go léir orthu.' "

Eolas Breise

[10]Ag deireadh an fiche bliain a thóg sé ar Sholamh an dá fhoirgneamh a thógáil, Teampall an Tiarna agus a phalás féin,

[11](thug Híorám rí na Tuíre oiread adhmaid chéadair agus chufróige agus óir agus ab áil leis, do Sholamh) thug Solamh fiche cathair i dtír na Gailíle do Híorám.

[12]Ach nuair a tháinig Híorám ón Tuír chun na cathracha a thug Solamh dó a iniúchadh, ní raibh sé sásta leo.

[13]"Cén sórt cathracha iad sin a thug dom, a bhráthair?" ar sé. Agus go dtí an lá inniu

[14] Hirão tinha enviado ao rei cento e vinte talentos de ouro.

[15] A razão por que Salomão impôs o trabalho forçado é esta: edificar a Casa do SENHOR, e a sua própria casa, e Milo, e o muro de Jerusalém, como também Hazor, e Megido, e Gezer;

[16] porque Faraó, rei do Egito, subira, e tomara a Gezer, e a queimara, e matara os cananeus que moravam nela, e com ela dotara a sua filha, mulher de Salomão.

[17] Assim, edificou Salomão Gezer, Bete-Horom, a baixa,

[18] Baalate, Tadmor, no deserto daquela terra,

[19] todas as cidades-armazéns que Salomão tinha, as cidades para os carros, as cidades para os cavaleiros e o que desejou enfim edificar em Jerusalém, no Líbano e em toda a terra do seu domínio.

[20] Quanto a todo o povo que restou dos amorreus, heteus, ferezeus, heveus e jebuseus, e que não eram dos filhos de Israel,

[21] a seus filhos, que restaram depois deles na terra, os quais os filhos de Israel não puderam destruir totalmente, a esses fez Salomão trabalhadores forçados, até hoje.

[22] Porém dos filhos de Israel não fez Salomão escravo algum; eram homens de guerra, e seus oficiais, e seus príncipes, e

féin tugtar “Tír Cábúl” (Gan Mhaith) orthu.

[14]Chuir Híorám céad agus fiche tallann airgid chun an rí.

[15]Seo cur síos ar an saothar éigeantach a rinne Solamh a thobhach do thógáil Teampall an Tiarna, a phálás féin, an Mileo, balla Iarúsailéim, Hazór, Migideo, Geizir

[16](ghabh Forann rí na hÉigipte suas agus ghabh sé Geizir, chuir sé trí thine é agus bhásaigh a raibh de Chanánaigh ina gcónaí ann; ansin thug sé an chathair mar spré dá iníon, bean Sholaimh.

[17]Rinne Solamh Geizir a atógáil), Béit Horon Íochtarach,

[18]agus Bálat agus Támár san fhásach in Iúdá,

[19]agus na cathracha stóir go léir a bhí ag Solamh, na cathracha dá charbaid agus dá eachra, agus gach arbh áil le Solamh a thógáil in Iarúsailéim, sa Liobáin, agus sna tíortha go léir a bhí faoina cheannas.

[20]Gach ar mhair de na hAmóraigh, na Hitigh, na Pirizigh, na Hivigh, na Iabúsaigh, nárbh de chlann Iosrael iad;

[21]a sliocht a fágadh sa tír ina ndiaidh, an mhuintir nár éirígh le clann Iosrael a chur faoin mbang; chuir Solamh iadsan go léir faoi chuing daoirse sclábhaíochta agus is mar sin atá acu go dtí inniu féin.

[22]Ach níor chuir Solamh aon duine de mhuintir Iosrael faoi dhaoirse; iadsan a bhí aige mar shaighdiúirí, mar oifigigh,

seus capitães, e chefes dos seus carros e dos seus cavalarianos.

[23] Os principais oficiais que estavam sobre a obra de Salomão eram quinhentos e cinqüenta; tinham estes a seu cargo o povo que trabalhava na obra.
[24] Subiu, porém, a filha de Faraó da Cidade de Davi à sua casa, que Salomão lhe edificara; então, edificou a Milo.
[25] Oferecia Salomão, três vezes por ano, holocaustos e sacrifícios pacíficos sobre o altar que edificara ao SENHOR e queimava incenso sobre o altar perante o SENHOR. Assim, acabou ele a casa.

[26] Fez o rei Salomão também naus em Eziom-Geber, que está junto a Elate, na praia do mar Vermelho, na terra de Edom.
[27] Mandou Hirão, com aquelas naus, os seus servos, marinheiros, conhecedores do mar, com os servos de Salomão.
[28] Chegaram a Ofir e tomaram de lá quatrocentos e vinte talentos de ouro, que trouxeram ao rei Salomão.

1 Reis 10

A rainha de Sabá visita a Salomão
2 Crônicas 9.1-12

[1] Tendo a rainha de Sabá ouvido a fama de Salomão, com respeito ao nome do SENHOR, veio prová-lo com perguntas difíceis.
[2] Chegou a Jerusalém com mui grande comitiva; com camelos carregados de especiarias, e muitíssimo ouro, e pedras preciosas; compareceu perante Salomão e

mar cheannfoirt, mar chaptaein, mar cheannairí carbad, agus mar thaoisigh marcshlua.
[23]Seo iad na maoir a bhí ar na saoistí a bhí i mbun saothar Sholaimh: cúig chéad go leith i bhfeighil na ndaoine a bhí gafa leis an obair.
[24]Tar éis d'iníon Fhorainn dul ó Dhúnfort Dháiví go dtí an teach a thóg Solamh di féin, ansin a thóg sé an Mileo.
[25]D'ofráladh Solamh íobairtí uileloiscthe agus íobairtí comaoineach trí huaire sa bhliain ar an altóir a thóg sé don Tiarna, agus dhódh sé túis don Tiarna, agus choinnigh sé slacht ar an Teampall.

Solamh Ceannaí

[26]Thóg Solamh rí cabhlach ag Eizión Geibir i gcóngar Éalat ar bhruach na Mara Rua i dtír Eadóm.
[27]Don chabhlach seo chuir Híorám fir dá chuid a bhí eolgaiseach ar chúrsaí mara chun seirbhís a dhéanamh le fir Sholaimh.
[28]Chuadar go hÓifír agus rugadar leo ar ais ón áit sin ceithre chéad agus fiche tallann óir agus thugadar do Sholamh rí é.

1 Ríthe 10

Banríon Sheabá

[1]Nuair a leathnaigh clú Sholaimh, maidir le hainm an Tiarna, amach fad le banríon Sheabá, tháinig sí ag triall air chun é a phromhadh le ceisteanna crua.

[2]Thug sí cóisir ollmhór léi go Iarúsailéim, camaill faoi ualach spíosraí agus na múrtha óir agus liaga lómhara. Ar theacht

lhe expôs tudo quanto trazia em sua mente.

[3] Salomão lhe deu resposta a todas as perguntas, e nada lhe houve profundo demais que não pudesse explicar.

[4] Vendo, pois, a rainha de Sabá toda a sabedoria de Salomão, e a casa que edificara,

[5] e a comida da sua mesa, e o lugar dos seus oficiais, e o serviço dos seus criados, e os trajes deles, e seus copeiros, e o holocausto que oferecia na Casa do SENHOR, ficou como fora de si

[6] e disse ao rei: Foi verdade a palavra que a teu respeito ouvi na minha terra e a respeito da tua sabedoria.

[7] Eu, contudo, não cria naquelas palavras, até que vim e vi com os meus próprios olhos. Eis que não me contaram a metade: sobrepujas em sabedoria e prosperidade a fama que ouvi.

[8] Felizes os teus homens, felizes estes teus servos, que estão sempre diante de ti e que ouvem a tua sabedoria!

[9] Bendito seja o SENHOR, teu Deus, que se agradou de ti para te colocar no trono de Israel; é porque o SENHOR ama a Israel para sempre, que te constituiu rei, para executares juízo e justiça.

[10] Deu ela ao rei cento e vinte talentos de ouro, e muitíssimas especiarias, e pedras

chun Solaimh di, labhair sí leis go neamhbhalbh

[3]agus bhí freagra ag Solamh ar gach ceist dár chuir sí; ní raibh ceann ar bith acu ródhiamhair don rí le freagra a thabhairt di.

[4]Nuair a chonaic banríon Sheabá chomh críonna ar fad agus a bhí Solamh, an pálás a bhí tógtha aige,

[5]bia a bhoird agus an chóir a bhí ar a oifigigh, eagrú a lucht freastail agus an feisteas a bhí orthu, lucht iompair na gcorn aige agus na híobairtí dóite a d'ofráladh sé i dTeampall an Tiarna, baineadh stangadh aisti,

[6]agus dúirt sí leis an rí: "Ba í an fhírinne, mar sin, a chuala mé i mo thír féin faoi do chúraimí agus faoi do chríonnacht!

[7]Nó gur tháinig mé agus go bhfaca mé le mo shúile cinn é, níorbh fhéidir liom an tuairisc a chreidiúint; ach is léir nár inis siad a leath dom; sáraíonn tú le críonnacht agus le saibhreas, an tuairisc a chuala mé.

[8]Nach méanar do do mhná céile! Nach méanar do na seirbhísigh seo agat a bhíonn ag síorfhreastal ort agus a chluineann do chríonnacht!

[9]Moladh leis an Tiarna do Dhia, a bhronn an chomaoin seo ort agus a chuir ar ríchathaoir Iosrael thú. De bhrí go raibh grá bithbhuan ag an Tiarna d'Iosrael, rinne sé rí díotsa chun an chóir agus an ceart a riar."

[10]Bhronn sí céad fiche tallann óir ansin ar an rí agus lear mór spíosraí agus liaga

preciosas; nunca mais veio especiaria em tanta abundância, como a que a rainha de Sabá ofereceu ao rei Salomão.

lómhara. Níor tháinig saibhreas spíosraí riamh ina dhiaidh sin a bhí inchurtha leo siúd a bhronn banríon Sheabá ar Sholamh rí.

[11] Também as naus de Hirão, que de Ofir transportavam ouro, traziam de lá grande quantidade de madeira de sândalo e pedras preciosas.

[11]Agus cabhlach Híorám a thug ór ó Óifír, thug sé chomh maith lastaí mora d'adhmad almug agus de liaga lómhara.

[12] Desta madeira de sândalo, fez o rei balaústres para a Casa do SENHOR e para a casa real, como também harpas e alaúdes para os cantores; tal madeira nunca se havia trazido para ali, nem se viu mais semelhante madeira até ao dia de hoje.

[12]Den adhmad almug rinne an rí teanntaí do Theampall an Tiarna, agus don pháláis ríoga, agus lireanna agus cruiteanna do na ceoltóirí; níor tháinig a thuilleadh den adhmad almug sin ó shin, ná ní fhacthas aon chuid de go dtí an lá seo féin.

[13] O rei Salomão deu à rainha de Sabá tudo quanto ela desejou e pediu, afora tudo o que lhe deu por sua generosidade real. Assim, voltou e se foi para a sua terra, com os seus servos.

[13]Agus bhronn Solamh rí ar bhanríon Sheabá gach arbh áil léi, agus bronntanais le barr a fhéile ríoga féin chomh maith. Ansin d'imigh sí léi abhaile chun a tíre féin, í féin agus a searbhóntaí.

As riquezas de Salomão

2 Crônicas 1.14-17; 9.13-28

Solamh Saibhir

[14] O peso do ouro que se trazia a Salomão cada ano era de seiscentos e sessenta e seis talentos de ouro,

[14]Sé chéad agus a seasca sé thallann óir an meáchan óir a thagadh go Solamh le haghaidh na bliana,

[15] além do que entrava dos vendedores, e do tráfico dos negociantes, e de todos os reis da Arábia, e dos governadores da terra.

[15]seachas a dtagadh chuige mar cháin ón lucht trádála agus mar bhrabús na gceannaithe, agus ó ríthe na hAráibe go léir, agus ó rialtóirí na tíre.

[16] Fez o rei Salomão duzentos paveses de ouro batido; seiscentos siclos de ouro mandou pesar para cada pavês;

[16]Rinne Solamh rí dhá chéad sciath mhór d'ór ceárta; chuaigh sé chéad seicil óir i ngach sciath.

[17] fez também trezentos escudos de ouro batido; três arráteis de ouro mandou pesar para cada escudo. E o rei os pôs na Casa do Bosque do Líbano.

[17]Agus rinne sé trí chéad sciath bheag d'ór ceárta, agus chuaigh trí mhíoná óir i ngach sciath, agus chuir an rí iad i Halla Fhoraois na Liobáine.

[18] Fez mais o rei um grande trono de marfim e o cobriu de ouro puríssimo.

[19] O trono tinha seis degraus; o espaldar do trono, ao alto, era redondo; de ambos os lados tinha braços junto ao assento e dois leões junto aos braços.

[20] Também doze leões estavam ali sobre os seis degraus, um em cada extremo destes. Nunca se fizera obra semelhante em nenhum dos reinos.

[21] Todas as taças de que se servia o rei Salomão para beber eram de ouro, e também de ouro puro todas as da Casa do Bosque do Líbano; não havia nelas prata, porque nos dias de Salomão não se dava a ela estimação nenhuma.

[22] Porque o rei tinha no mar uma frota de Társis, com as naus de Hirão; de três em três anos, voltava a frota de Társis, trazendo ouro, prata, marfim, bugios e pavões.

[23] Assim, o rei Salomão excedeu a todos os reis do mundo, tanto em riqueza como em sabedoria.

[24] Todo o mundo procurava ir ter com ele para ouvir a sabedoria que Deus lhe pusera no coração.

[25] Cada um trazia o seu presente: objetos de prata e de ouro, roupas, armaduras, especiarias, cavalos e mulas; assim, ano após ano.

[18]Rinne an rí chomh maith ríchathaoir mhór eabhair, agus chumhdaigh í le hór athleáite.

[19]Bhí sé chéim chun na ríchathaoireach, agus bhí ceann lao ar chúl na cathaoireach; bhí taca uillinne ar gach taobh den ríchathaoir; bhí dhá leon le taobh na dtacaí

[20]agus dhá leon déag ar na céimeanna, leon ag dhá cheann gach céime de na sé céimeanna. Ní dhearnadh a leithéid riamh in aon ríocht eile.

[21]Ba d'ór soithí óil uile Sholaimh rí, agus ba d'ór fíre gréithe uile Halla Fhoraois na Liobáine, gan aon ní d'airgead mar ba bheag an meas a bhí ar airgead le linn Sholaimh.

[22]Bhí cabhlach Thairsís ar muir ag an rí in éineacht le cabhlach Híorám. Uair gach trí bliana thagadh cabhlach Thairsís le hór, airgead, eabhar, ápaí agus babúin.

[23]Sháraigh Solamh rí ríthe an domhain go léir ar shaibhreas agus ar eagna.

[24]Thagadh an saol mór go léir ar lorg éisteacht ó Sholamh ionas go gcloisfidís an eagna a chuir Dia ina chroí isteach,

[25]agus thugadh gach duine díobh a thabhartas féin leis - soithí óir, soithí airgid, fallaingí, airm, spíosraí, capaill agus miúileanna. Agus mar sin a bhí an scéal bliain i ndiaidh na bliana.

[26] Também ajuntou Salomão carros e cavaleiros, tinha mil e quatrocentos carros e doze mil cavalarianos, que distribuiu às cidades para os carros e junto ao rei, em Jerusalém.

[27] Fez o rei que, em Jerusalém, houvesse prata como pedras e cedros em abundância como os sicômoros que estão nas planícies.

[28] Os cavalos de Salomão vinham do Egito e da Cilícia; e comerciantes do rei os recebiam da Cilícia por certo preço.

[29] Importava-se, do Egito, um carro por seiscentos siclos de prata e um cavalo por cento e cinqüenta; nas mesmas condições, as caravanas os traziam e os exportavam para todos os reis dos heteus e para os reis da Síria.

[26]Bhailigh Solamh carbaid agus capaill le chéile; bhí míle ceithre chéad carbad aige, agus dhá mhíle dhéag capall. Bhuanaigh sé iadsan sna cathracha carbad agus in aice an rí in Iarúsailéim.

[27]D'fhág an rí go raibh airgead chomh coitianta céanna le clocha in Iarúsailéim, agus céadair chomh flúirseach le seiceamair na nÍsleán.

[28]Dhéantaí capaill Sholaimh a allmhairiú ón Éigipt agus ó [Chilicia], agus ghlacadh gníomhairí an rí leo ó Chilicia ar phraghas cinnte.

[29]Dhéantaí carbad a allmhairiú ón Éigipt ar shé chéad seicil, agus capall ar chéad go leith. Dhéantaí iadsan a onnmhairiú trí ghníomhairí an rí go dtí ríthe na Hiteach agus ríthe Arám ar an tslí chéanna.

1 Reis 11

A idolatria de Salomão

[1] Ora, além da filha de Faraó, amou Salomão muitas mulheres estrangeiras: moabitas, amonitas, edomitas, sidônias e hetéias,

[2] mulheres das nações de que havia o SENHOR dito aos filhos de Israel: Não caseis com elas, nem casem elas convosco, pois vos perverteriam o coração, para seguirdes os seus deuses. A estas se apegou Salomão pelo amor.

[3] Tinha setecentas mulheres, princesas e trezentas concubinas; e suas mulheres lhe perverteram o coração.

1 Ríthe 11

Solamh ag Teip

[1]Thug Solamh rí grá do chuid mhór ban ón gcoigríoch, ní amháin d'iníon Fhorainn ach do mhná de na Móábaigh, na hAmónaigh, na hEadómaigh, na Síodónaigh, na Hitigh,

[2]na ciníocha úd faoina ndúirt an Tiarna le clann Iosrael: 'Na téigí chucu agus ná tagadh siadsan chugaibh, nó is cinnte go n-iompóidh siad bhur gcroí chun a ndéithe féin." Ach bhí cion as cuimse ag Solamh orthu.

[3]Bhí seacht gcéad bean aige a bhí ar chéim ríoga agus trí chéad leannán.

[4] Sendo já velho, suas mulheres lhe perverteram o coração para seguir outros deuses; e o seu coração não era de todo fiel para com o SENHOR, seu Deus, como fora o de Davi, seu pai.
[5] Salomão seguiu a Astarote, deusa dos sidônios, e a Milcom, abominação dos amonitas.
[6] Assim, fez Salomão o que era mau perante o SENHOR e não perseverou em seguir ao SENHOR, como Davi, seu pai.
[7] Nesse tempo, edificou Salomão um santuário a Quemos, abominação de Moabe, sobre o monte fronteiro a Jerusalém, e a Moloque, abominação dos filhos de Amom.
[8] Assim fez para com todas as suas mulheres estrangeiras, as quais queimavam incenso e sacrificavam a seus deuses.

A ira de Deus contra Salomão

[9] Pelo que o SENHOR se indignou contra Salomão, pois desviara o seu coração do SENHOR, Deus de Israel, que duas vezes lhe aparecera.
[10] E acerca disso lhe tinha ordenado que não seguisse a outros deuses. Ele, porém, não guardou o que o SENHOR lhe ordenara.
[11] Por isso, disse o SENHOR a Salomão: Visto que assim procedeste e não guardaste a minha aliança, nem os meus estatutos que te mandei, tirarei de ti este reino e o darei a teu servo.

[4]Nuair a chuaigh Solamh anonn in aois, chlaon a mhná céile a chroí i dtreo déithe eile, agus ní raibh a chroí go hiomlán ag an Tiarna, a Dhia, mar bhí croí a athar, Dáiví.
[5]D'éirigh sé ceanúil ar Aisteárat, bandia na Síodónach, agus ar Mhiolcom uafás na nAmónach.
[6]Rinne Solamh an t-olc i súile an Tiarna agus níor lean sé an Tiarna lena chroí go hiomlán, mar a rinne Dáiví, a athair.
[7]Ansin is ea a thóg Solamh ardionad do Chamóis uafás Mhóáb, agus do Mhoilic uafás na nAmónach, ar an gcnoc lastoir de Iarúsailéim.
[8]Rinne sé amhlaidh dá mhná coigríocha go léir a d'ofráladh túis agus íobairtí dá ndéithe.
[9]Bhí fearg ar an Tiarna le Solamh de bhrí gur iompaigh sé a chroí ón Tiarna, Dia Iosrael, a thaispeáin é féin dó faoi dhó,
[10]agus a chros air ansin déithe eile a leanúint. Ach níor chuir sé ar ordaigh an Tiarna i gcrích.
[11]Dúirt an Tiarna dá bhrí sin le Solamh: "Ós mar seo atá do ghníomhartha agus nach gcomhlíonann tú mo chonradh ná mo reachtanna, a cheangail mé ort, bainfidh mé an ríocht díot go cinnte dearfa, agus bronnfaidh mé ar dhuine de do shearbhóntaí í.

[12] Contudo, não o farei nos teus dias, por amor de Davi, teu pai; da mão de teu filho o tirarei.

[13] Todavia, não tirarei o reino todo; darei uma tribo a teu filho, por amor de Davi, meu servo, e por amor de Jerusalém, que escolhi.

Deus suscita adversários contra Salomão

[14] Levantou o SENHOR contra Salomão um adversário, Hadade, o edomita; este era da linhagem real de Edom.

[15] Porque, estando Davi em Edom e tendo subido Joabe, comandante do exército, a sepultar os mortos, feriu todos os varões em Edom.

[16] (Porque Joabe ficou ali seis meses com todo o Israel, até que eliminou todos os varões em Edom.)

[17] Hadade, porém, fugiu, e, com ele, alguns homens edomitas, dos servos de seu pai, para ir ao Egito; era Hadade ainda muito jovem.

[18] Partiram de Midiã e seguiram a Parã, de onde tomaram consigo homens e chegaram ao Egito, a Faraó, rei do Egito, o qual deu a Hadade uma casa, e lhe prometeu sustento, e lhe deu terras.

[19] Achou Hadade grande mercê por parte de Faraó, tanta que este lhe deu por mulher a irmã de sua própria mulher,

[20] a irmã de Tafnes, a rainha. A irmã de Tafnes deu-lhe à luz seu filho Genubate, o qual Tafnes criou na casa de Faraó, onde Genubate ficou entre os filhos de Faraó.

[12]Mar gheall ar Dháiví, mo shearbhónta, áfach, ní dhéanfaidh mé é sin le linn do shaoil féin, ach bainfidh mé de do mhac í.

[13]Mar sin féin ní bhainfidh mé an ríocht go hiomlán de. Mar gheall ar Dháiví, mo shearbhónta, agus ar Iarúsailéim, atá tofa agam, tabharfaidh mé aon treibh amháin do do mhac."

Naimhde

[14]D'ardaigh an Tiarna namhaid in aghaidh Sholaimh, Hadad an tEadómach; de ríshliocht Eadóm eisean.

[15]Nuair a chloígh Dáiví Eadóm chuaigh Ióáb, ceannasaí an airm, chun na mairbh a adhlacadh agus chuir sé gach fear agus fireannach in Eadóm chun báis.

[16]D'fhan Ióáb agus Iosrael go léir ansiúd ar feadh sé mhí nó go raibh gach fireannach in Eadóm curtha chun báis acu.

[17]Ach theith Hadad, agus Eadómaigh eile a bhí ag seirbhís dá athair, chun na hÉigipte; ní raibh i Hadad ach buachaill ag an am sin.

[18]Chuir siad chun bealaigh ó Mhidián agus ar theacht go Párán thug siad roinnt fear ó Pháran leo, agus ar aghaidh go dtí an Éigipt, go Forann, rí na hÉigipte. Thug seisean teach dó, agus coinmhe, agus fearann dó féin.

[19]Thug Forann gean a chroí do Hadad agus thug sé deirfiúr a chéile mar bhean dó, deirfiúr na Céad Mhná, Tachpanaes.

[20]Agus rug deirfiur Thachpanaes mac dó, Ganubat, agus rinne Tachpanaes é seo a chur ó dhiúl i dteach Fhorainn; agus

oileadh Ganubat i dteach Fhorainn i measc clann mhac Fhorainn.

[21] Tendo, pois, Hadade ouvido no Egito que Davi descansara com seus pais e que Joabe, comandante do exército, era morto, disse a Faraó: Deixa-me voltar para a minha terra.

[21]Ach nuair a fuair Hadad scéala agus é san Éigipt go raibh Dáiví imithe chun suain lena shinsir, agus go raibh Ióáb, ceannasaí an airm marbh, dúirt Hadad le Forann: "Lig dom imeacht agus filleadh ar mo thír féin."

[22] Então, Faraó lhe disse: Pois que te falta comigo, que procuras partir para a tua terra? Respondeu ele: Nada; porém deixa-me ir.

[22]Ach dúirt Forann leis: "Cad a bhí de dhíth ort faramsa a rá is go bhfuil tú anois ag iarraidh filleadh ar do thír féin?" "Ní raibh aon ní," ar sé, "ach lig dom imeacht."

[23] Também Deus levantou a Salomão outro adversário, Rezom, filho de Eliada, que havia fugido de seu senhor Hadadezer, rei de Zobá.

[23]D'ardaigh Dia namhaid eile dó, Razón mac Eiliádá. Theith seisean óna mháistir Hadad Eizir rí Zóbá.

[24] Ele ajuntou homens e se fez capitão de um bando; depois do morticínio feito por Davi, eles se foram para Damasco, onde habitaram e onde constituíram rei a Rezom.

[24]Bhailigh roinnt fear ina thimpeall agus rinne ceannaire buíon foghlaithe de (ach rinne Dáiví ár orthu). Chuaigh siad go dtí an Damaisc agus chuir siad faoi ann agus rinne rí ar an Damaisc de.

[25] Este foi adversário de Israel por todos os dias de Salomão, fez-lhe mal como Hadade, detestava a Israel e reinava sobre a Síria.

[25]Bhí sé namhdmhar le hIosrael fad a mhair Solamh agus bhíodh sé ag déanamh na hurchóide dála Hadad; b'fhuath leis Iosrael agus bhí sé i gceannas na Síre.

Aías prediz a Jeroboão que este reinará sobre Israel

[26] Jeroboão, filho de Nebate, efraimita de Zereda, servo de Salomão, e cuja mãe era mulher viúva, por nome Zerua, levantou a mão contra o rei.

Ceannairc Iarobám

[26]Mac do Nabát, Eafráimeach ó Zaraedá, ab ea Iarobám; Zarúá ab ainm dá mháthair, agus baintreach ab ea í. Bhí sé ag déanamh seirbhíse do Sholamh, ach rinne sé ceannairc.

[27] Esta foi a causa por que levantou a mão contra o rei: Salomão estava edificando a

[27]Seo mar a rinne sé an cheannairc: Bhí Solamh ag tógáil an Mhileo agus ag iamh na bearnan i nDúnfort Dháiví, a athair.

Milo e terraplenando depressões da Cidade de Davi, seu pai.

[28] Ora, vendo Salomão que Jeroboão era homem valente e capaz, moço laborioso, ele o pôs sobre todo o trabalho forçado da casa de José.

[29] Sucedeu, nesse tempo, que, saindo Jeroboão de Jerusalém, o encontrou o profeta Aías, o silonita, no caminho; este se tinha vestido de uma capa nova, e estavam sós os dois no campo.

[30] Aías pegou na capa nova que tinha sobre si, rasgou-a em doze pedaços

[31] e disse a Jeroboão: Toma dez pedaços, porque assim diz o SENHOR, Deus de Israel: Eis que rasgarei o reino da mão de Salomão, e a ti darei dez tribos.

[32] Porém ele terá uma tribo, por amor de Davi, meu servo, e por amor de Jerusalém, a cidade que escolhi de todas as tribos de Israel.

[33] Porque Salomão me deixou e se encurvou a Astarote, deusa dos sidônios, a Quemos, deus de Moabe, e a Milcom, deus dos filhos de Amom; e não andou nos meus caminhos para fazer o que é reto perante mim, a saber, os meus estatutos e os meus juízos, como fez Davi, seu pai.

[34] Porém não tomarei da sua mão o reino todo; pelo contrário, fá-lo-ei príncipe todos os dias da sua vida, por amor de Davi, meu servo, a quem elegi, porque

[28]Bhí céimíocht ag an ógfhear Iarobám agus nuair a chonaic Solamh a dhícheallaí a bhí sé, chuir sé i bhfeighil shaothar lucht daoirse theach Iósaef go léir é.

[29]Lá dá ndeachaigh Iarobám amach as Iarúsailéim, casadh an fáidh Aichíá ó Shileo air ar an mbóthar; bhí fallaing nua ar Aichíá, agus bhí an bheirt acu leo féin i lár na tuaithe.

[30]Rug Aichíá ar an bhfallaing nua a bhí air féin agus stróic sé ina dhá stiall déag í.

[31]Dúirt sé le Iarobám: “Beir leat deich stiall faoi do choinne féin, óir is mar seo a labhraíonn an Tiarna Dia Iosrael: ‘Táim ag dul a stróiceadh na ríochta ó lámha Sholaimh agus tabharfaidh mé deich dtreibh duitse.

[32](Coinneoidh sé aon treibh amháin ar son Dháiví, mo shearbhónta, agus ar son Iarúsailéim an chathair atá tofa agam as treibheanna uile Iosrael)

[33]mar gur thréig sé mé agus gur thug sé ómós d'Aisteárat bandia na Síodónach, agus do Chamóis dia Mhóáb, agus do Mhiolcom dia na nAmónach; níor lean sé mo bhealaí, agus an ceart a dhéanamh i mo láthair, ná mo dhlíthe ná mo reachtarnna a chomhlíonadh mar a rinne Dáiví a athair.

[34]Ní sracfaidh mé an ríocht ar fad mar sin féin as a láimh, mar go ndearna mé prionsa de fad a mhairfidh sé ar son mo

guardou os meus mandamentos e os meus estatutos.

[35] Mas da mão de seu filho tomarei o reino, a saber, as dez tribos, e tas darei a ti.

[36] E a seu filho darei uma tribo; para que Davi, meu servo, tenha sempre uma lâmpada diante de mim em Jerusalém, a cidade que escolhi para pôr ali o meu nome.

[37] Tomar-te-ei, e reinarás sobre tudo o que desejar a tua alma; e serás rei sobre Israel.

[38] Se ouvires tudo o que eu te ordenar, e andares nos meus caminhos, e fizeres o que é reto perante mim, guardando os meus estatutos e os meus mandamentos, como fez Davi, meu servo, eu serei contigo, e te edificarei uma casa estável, como edifiquei a Davi, e te darei Israel.

[39] Por isso, afligirei a descendência de Davi; todavia, não para sempre.

[40] Pelo que Salomão procurou matar a Jeroboão; este, porém, se dispôs e fugiu para o Egito, a ter com Sisaque, rei do Egito; e ali permaneceu até à morte de Salomão.

A morte de Salomão

2 Crônicas 9.29-31

[41] Quanto aos mais atos de Salomão, a tudo quanto fez, e à sua sabedoria, porventura, não estão escritos no Livro da História de Salomão?

shearbhónta Dáiví a thogh mé, a choimeád m'aitheanta agus mo dhlíthe.

[35]Stoithfidh mé an ríocht as láimh a mhic, áfach, agus tabharfaidh mé duitse í, deich dtreibh.

[36]Ach tabharfaidh mé aon treibh amháin dá mhac, ionas go mbeidh lóchrann i mo láthair i gcónaí ag mo shearbhónta Dáiví i m'fhianaise i Iarúsailéim, an chathair a thogh mé mar áit chónaithe do m'ainm.

[37]Béarfaidh mé tusa liom, agus rialóidh tú ar oiread agus is mian leat, agus beidh tú i do rí ar Iosrael.

[38]Má éisteann tú le m'orduithe go léir duit agus má leanann tú mo shlite, agus má dhéanann tú an ceart i mo láthair, ag comhlíonadh mo dhlíthe agus m'aitheanta, mar a rinne Dáiví mo shearbhónta, beidh mé in éineacht leat, agus tógfaidh mé teach daingean duit, mar a rinne mé do Dháiví, agus tabharfaidh mé Iosrael duit,

[39]agus ar an gcuma sin déanfaidh mé sliocht Dháiví a umhlú, ach ní go deo é.' ”

[40]Rinne Solamh iarracht ar Iarobám a mharú, ach d'éalaigh seisean leis agus theith chun na hÉigipte go Síseac rí na hÉigipte, agus d'fhan sé san Éigipt go bhfuair Solamh bás.

Bás Sholaimh

[41]An chuid eile de stair Sholaimh, a imeachtaí go léir, agus a eagna - nach bhfuil sé sin go léir scríofa i Leabhar Ghníomhartha Sholaimh.

[42] Foi de quarenta anos o tempo que reinou Salomão em Jerusalém sobre todo o Israel.

[43] Descansou com seus pais e foi sepultado na Cidade de Davi, seu pai; e Roboão, seu filho, reinou em seu lugar.

1 Reis 12

Roboão causa separação entre as tribos
2 Crônicas 10.1-15

[1] Foi Roboão a Siquém, porque todo o Israel se reuniu lá, para o fazer rei.

[2] Tendo Jeroboão, filho de Nebate, ouvido isso (pois estava ainda no Egito, para onde fugira da presença do rei Salomão, onde habitava

[3] e donde o mandaram chamar), veio com toda a congregação de Israel a Roboão, e lhe falaram:

[4] Teu pai fez pesado o nosso jugo; agora, pois, alivia tu a dura servidão de teu pai e o seu pesado jugo que nos impôs, e nós te serviremos.

[5] Ele lhes respondeu: Ide-vos e, após três dias, voltai a mim. E o povo se foi.

[6] Tomou o rei Roboão conselho com os homens idosos que estiveram na presença de Salomão, seu pai, quando este ainda vivia, dizendo: Como aconselhais que se responda a este povo?

[7] Eles lhe disseram: Se, hoje, te tornares servo deste povo, e o servires, e,

[42]Mhair réimeas Sholaimh in Iarúsailéim ar Iosrael go léir daichead bliain.

[43]Ansin chuaigh Solamh chun suain lena shinsir agus cuireadh é i nDúnfort Dháiví a athair. Tháinig Rachabám a mhac i gcomharbacht air.

1 Ríthe 12

Easaontas

[1]A luaithe a chuala Iarobám mac Nabát an scéala agus é fós san Éigipt mar ar theith sé ó Sholamh rí, d'fhill sé ón Éigipt.

[2]Chuaigh Rachabám go Seicim mar go raibh Iosrael go léir imithe go Seicim chun é a fhógairt ina rí,

[3](agus chuir siad fios ar Iarobám agus tháinig sé féin agus comhthionól Iosrael go léir) agus dúradar le Rachabám:

[4]“Chuir d'athair ualach trom orainn le hiompar; bog daoirse dhian d'athar, agus a chuing throm orainn agus déanfaimid seirbhís duit.”

[5]Dúirt sé leo: “Imígí libh ar feadh trí lá, agus ansin tagaigí ar ais chugam.” Agus d'imigh na daoine leo.

[6]Ansin chuaigh Rachabám rí i gcomhairle leis na seanóirí a bhí ag déanamh seirbhíse dá athair Solamh fad a mhair sé. “Cén freagra,” ar sé, “ar chóir dom dar libh a thabhairt don mhuintir seo?”

[7]Dúirt siad leis: “Déan freastal ar an bpobal seo inniu, agus bí mar a bheadh

atendendo, falares boas palavras, eles se farão teus servos para sempre.

[8] Porém ele desprezou o conselho que os anciãos lhe tinham dado e tomou conselho com os jovens que haviam crescido com ele e o serviam.

[9] E disse-lhes: Que aconselhais vós que respondamos a este povo que me falou, dizendo: Alivia o jugo que teu pai nos impôs?

[10] E os jovens que haviam crescido com ele lhe disseram: Assim falarás a este povo que disse: Teu pai fez pesado o nosso jugo, mas tu alivia-o de sobre nós; assim lhe falarás: Meu dedo mínimo é mais grosso do que os lombos de meu pai.

[11] Assim que, se meu pai vos impôs jugo pesado, eu ainda vo-lo aumentarei; meu pai vos castigou com açoites, porém eu vos castigarei com escorpiões.

[12] Veio, pois, Jeroboão e todo o povo, ao terceiro dia, a Roboão, como o rei lhes ordenara, dizendo: Voltai a mim ao terceiro dia.

[13] Dura resposta deu o rei ao povo, porque desprezara o conselho que os anciãos lhe haviam dado;

[14] e lhe falou segundo o conselho dos jovens, dizendo: Meu pai fez pesado o vosso jugo, porém eu ainda o agravarei; meu pai vos castigou com açoites; eu, porém, vos castigarei com escorpiões.

[15] O rei, pois, não deu ouvidos ao povo; porque este acontecimento vinha do

seirbhíseach acu, labhair go lách leo, agus beidh siad mar sheirbhísigh agat go deo.”

[8]Ach dhiúltaigh sé don chomhairle a thug na seanóirí dó agus chuaigh sé i gcomhairle leis na hógánaigh a d'fhás suas leis féin agus a bhí ina sheirbhís.

[9]“Cén freagra a chomhairlíonn sibh dúinn a thabhairt don mhuintir seo a dúirt liom: ‘Bog dínn an chuing a leag d'athair orainn’?” ar sé leo.

[10]Agus d'fhreagair an dream óg a d'fhás suas leis: “Tabhair an freagra seo don mhuintir úd a dúirt: ‘Chuir d'athair ualach trom orainn le hiompar, ach déan é a éadromú duinn’ - abair é seo leo: ‘Is raimhre mo lúidín ná coim m'athar.

[11]Leag m'athair ualach trom oraibh Cuirfidh mise, más ea, breis ualaigh oraibh. Bhuail m'athair sibh le lasca; buailfidh mise sibh le scairpeanna.’ ”

[12]An tríú lá tháinig (Iarobám agus) an pobal go léir go Rachabám, faoi mar a d'ordaigh an rí á rá: “Tagaigí chugam arís an treas lá.”

[13]Níor thug an rí aon aird ar an gcomhairle a thug na seanóirí dó, ach thug freagra garbh ar an bpobal,

[14]agus labhair leo de réir chomhairle na n-ógfhear agus dúirt: “Leag m'athair ualach trom oraibh. Cuirfidh mise, más ea, breis ualaigh oraibh. Bhuail m'athair sibh le lasca; buailfidh mise sibh le scairpeanna.”

[15]Níor éist an rí dá réir sin leis an bpobal, agus bhí sin curtha i gcrích ag an Tiarna

SENHOR, para confirmar a palavra que o SENHOR tinha dito por intermédio de Aías, o silonita, a Jeroboão, filho de Nebate.

ionas go gcomhlíonfadh sé an gealltanas a thug sé ó bhéal Aichíá ó Shileo do Iarobám mac Nabát.

Dez tribos seguem Jeroboão
2 Crônicas 10.16-19

16 Vendo, pois, todo o Israel que o rei não lhe dava ouvidos, reagiu, dizendo: Que parte temos nós com Davi? Não há para nós herança no filho de Jessé! Às vossas tendas, ó Israel! Cuida, agora, da tua casa, ó Davi! Então, Israel se foi às suas tendas.

16Nuair a chonaic Iosrael go léir nach raibh aon aird á tabhairt ag an rí orthu, d'fhreagair an pobal an rí: "Cén chuid atá againn i nDáiví? Níl aon oidhreacht againn i mac Ieise. Chun bhur mbothanna libh, a Iosrael! Tabhair aire do do theach féin feasta, a Dháiví!" Agus d'imigh Iosrael leo chun a mbothanna.

17 Quanto aos filhos de Israel, porém, que habitavam nas cidades de Judá, sobre eles reinou Roboão.

17Ach bhí Rachabám ina rí ar chlann mhac Iosrael a bhí ina gcónaí i gcathracha Iúdá.

18 Então, o rei Roboão enviou a Adorão, superintendente dos que trabalhavam forçados; porém todo o Israel o apedrejou, e morreu. Mas o rei Roboão conseguiu tomar o seu carro e fugir para Jerusalém.

18Ansin chuir Rachabám rí uaidh Adorám a bhí i bhfeighil lucht an tsaothair éigeantaigh, ach chuir na hIosraelaigh go léir chun báis de chlocha é; ansin bhrostaigh Rachabám agus phreab ina charbad agus theith go Iarúsailéim.

19 Assim, Israel se mantém rebelado contra a casa de Davi, até ao dia de hoje.

19Agus ar an gcuma sin tá Iosrael scartha ó theaghlach Dháiví go dtí an lá inniu féin.

Deighilt

20 Tendo ouvido todo o Israel que Jeroboão tinha voltado, mandaram chamá-lo para a congregação e o fizeram rei sobre todo o Israel; ninguém seguiu a casa de Davi, senão somente a tribo de Judá.

20Nuair a chuala Iosrael go léir go raibh Iarobám ar ais, ghlaodar air chun an chomhthionóil agus rinneadar rí de ar Iosrael go léir. Níor fhan aon duine dílis do theaghlach Dháiví ach treibh Iúdá amháin.

Deus proíbe que Roboão peleje contra as dez tribos
2 Crônicas 11.1-4

21 Vindo, pois, Roboão a Jerusalém, reuniu toda a casa de Judá e a tribo de Benjamim, cento e oitenta mil escolhidos, destros

21Ghabh Rachabám suas go Iarúsailéim agus chuir sé tionól ar theaghlach Iúdá go léir, agus ar threibh Bhiniáimin, céad agus

para a guerra, para pelejar contra a casa de Israel, a fim de restituir o reino a Roboão, filho de Salomão.

ochtó míle de thogha na ngaiscíoch, ionas go gcuirfí cath ar theaghlach Iosrael agus go mbuafaí an ríocht ar ais do Rachabám mac Sholaimh.

[22] Porém veio a palavra de Deus a Semaías, homem de Deus, dizendo:

[22]Ach tháinig briathar an Tiarna go Seamaiá an giolla Dé, agus dúirt:

[23] Fala a Roboão, filho de Salomão, rei de Judá, e a toda a casa de Judá, e a Benjamim, e ao resto do povo, dizendo:

[23]“Abair é seo le Rachabám, mac Sholaimh, rí Iúdá, le teaghlach Iúdá go léir agus le Biniáimin, agus leis an gcuid eile den phobal:

[24] Assim diz o SENHOR: Não subireis, nem pelejareis contra vossos irmãos, os filhos de Israel; cada um volte para a sua casa, porque eu é que fiz isto. E, obedecendo eles à palavra do SENHOR, voltaram como este lhes ordenara.

[24]Mar seo a deir an Tiarna: ‘Ná téigí suas agus ná troidigí in aghaidh bhur mbráithre, pobal Iosrael. Filleadh gach duine ar a bhaile; an rud seo a tharla, is mise is cúis leis.’ ” (Agus d'éisteadar go léir le briathar an Tiarna, agus d'imíodar leo abhaile arís de réir bhriathar an Tiarna.)

A idolatria de Jeroboão

[25] Jeroboão edificou Siquém, na região montanhosa de Efraim, e passou a residir ali; dali edificou Penuel.

[25]Ansin thóg Iarobám Seicim in ardáin Eafráim agus chuir faoi ann. Ansin d'fhág sé an áit sin agus dhaingnigh sé Panúéil.

[26] Disse Jeroboão consigo: Agora, tornará o reino para a casa de Davi.

[26]Agus dúirt Iarobám ina chroí istigh: “Dá réir seo, fillfidh an ríocht seo chun teaghlach Dháiví.

[27] Se este povo subir para fazer sacrifícios na Casa do SENHOR, em Jerusalém, o coração dele se tornará a seu senhor, a Roboão, rei de Judá; e me matarão e tornarão a ele, ao rei de Judá.

[27]Má leanann an pobal seo ag dul suas chuig Teampall an Tiarna in Iarúsailéim chun íobairtí a ofráil, iompóidh croí an phobail ar ais athuair chun a dtaoisigh Rachabám, rí Iúdá, agus cuirfidh siad chun báis mé (agus fillfidh siad ar Rachabám, rí Iúdá).”

[28] Pelo que o rei, tendo tomado conselhos, fez dois bezerros de ouro; e disse ao povo: Basta de subirdes a Jerusalém; vês aqui teus deuses, ó Israel, que te fizeram subir da terra do Egito!

[28]Rinne an rí a mhachnamh air seo dá réir sin, agus ansin rinne sé dhá lao óir. Dúirt sé leis an bpobal: “Tá sibh fada go leor ag dul suas go Iarúsailéim; seo agaibh bhur

ndéithe, a Iosrael; is iad seo a thug aníos sibh as tír na hÉigipte."

29 Pôs um em Betel e o outro, em Dã.

29Chuir sé ceann díobh ina sheasamh i mBéitéil (agus an ceann eile i nDán,

30 E isso se tornou em pecado, pois que o povo ia até Dã, cada um para adorar o bezerro.

30agus ba pheaca sin) agus chuaigh mórshiúl den phobal an bealach ar fad go Dán ar bhéala an chinn eile.

31 Jeroboão fez também santuários nos altos e, dentre o povo, constituiu sacerdotes que não eram dos filhos de Levi.

31Bhunaigh sé teampall na n-ardionad agus cheap sé daoine ó ghnáththeaghlaigh mar shagairt, daoine nár de shliocht Léiví iad.

32 Fez uma festa no oitavo mês, no dia décimo quinto do mês, igual à festa que se fazia em Judá, e sacrificou no altar; semelhantemente fez em Betel e ofereceu sacrifícios aos bezerros que fizera; também em Betel estabeleceu sacerdotes dos altos que levantara.

32Lena chois sin bhunaigh Iarobám féile san ochtú mí, ar an gcúigiú lá déag den mhí, ar nós na féile a cheiliúrtaí in Iúdá, agus chuaigh sé suas chun na haltóra. Sin mar a rinne sé i mBéitéil, agus d'ofráil sé íobairtí do na laonna a bhí déanta aige. Agus chuir sé i mBéitéil sagairt na n-ardionad a bhí bunaithe aige.

33 No décimo quinto dia do oitavo mês, escolhido a seu bel-prazer, subiu ele ao altar que fizera em Betel e ordenou uma festa para os filhos de Israel; subiu para queimar incenso.

33Ar an gcúigiú lá déag den ochtú mí, an mhí a thogh sé d'aon ghnó, chuaigh sé suas chun na haltóra a bhí déanta aige i mBéitéil. Bhunaigh sé féile do chlann Iosrael agus chuaigh suas chun na haltóra chun túis a íobairt.

1 Reis 13

Um profeta prediz contra o altar

1 Eis que, por ordem do SENHOR, veio de Judá a Betel um homem de Deus; e Jeroboão estava junto ao altar, para queimar incenso.

2 Clamou o profeta contra o altar, por ordem do SENHOR, e disse: Altar, altar! Assim diz o SENHOR: Eis que um filho nascerá à casa de Davi, cujo nome será

1 Ríthe 13

Altóir Bhéitéil á Damnú

1Féach! tháinig giolla Dé ó Iúdá go Béitéil ar ordú an Tiarna, agus Iarobám díreach ina sheasamh ag an altóir chun an túis a ofráil.

2Ar ordú an Tiarna rinne sé glao in aghaidh na haltóra: "A altóir, a altóir," ar sé, "seo mar a deir an Tiarna: 'Béarfar mac do theaghlach Dháiví, darbh ainm Ióisíá

Josias, o qual sacrificará sobre ti os sacerdotes dos altos que queimam sobre ti incenso, e ossos humanos se queimarão sobre ti.

agus íobróidh sé ort sagairt na n-ardionad a dhónn túis ort, agus dófaidh sé cnámha daoine ort.' "

3 Deu, naquele mesmo dia, um sinal, dizendo: Este é o sinal de que o SENHOR falou: Eis que o altar se fenderá, e se derramará a cinza que há sobre ele.

3Agus thug sé comhartha san am céanna: "Seo é an comhartha," ar sé, "gur labhair an Tiarna: 'Pléascfaidh an altóir seo agus scaipfear an luaithreach atá uirthi.' "

4 Tendo o rei ouvido as palavras do homem de Deus, que clamara contra o altar de Betel, Jeroboão estendeu a mão de sobre o altar, dizendo: Prendei-o! Mas a mão que estendera contra o homem de Deus secou, e não a podia recolher.

4Nuair a chuala an rí conas mar a ghlaoigh an giolla Dé in aghaidh na haltóra i mBéitéil, shín seisean, Iarobám, a lámh ón altóir amach, á rá: "Gabhaigí é." Ach an lámh a shín sé amach in aghaidh an duine, shearg sí, agus níor fhéad sé í a tharraingt ar ais.

5 O altar se fendeu, e a cinza se derramou do altar, segundo o sinal que o homem de Deus apontara por ordem do SENHOR.

5Agus phléasc an altóir agus scaipeadh an luaithreach ón altóir, de réir an chomhartha a thug an giolla Dé ar ordú an Tiarna.

6 Então, disse o rei ao homem de Deus: Implora o favor do SENHOR, teu Deus, e ora por mim, para que eu possa recolher a mão. Então, o homem de Deus implorou o favor do SENHOR, e a mão do rei se lhe recolheu e ficou como dantes.

6Dúirt an rí leis an ngiolla Dé: "Iarr fabhar an Tiarna do Dhia arís (agus guigh orm) ionas go bhfaighidh mé lúth mo láimhe ar ais." Agus chuir an giolla Dé a impí chun an Tiarna, agus fuair an rí ar ais lúth a láimhe agus bhí sí mar a bhí roimhe sin.

7 Disse o rei ao homem de Deus: Vem comigo a casa e fortalece-te; e eu te recompensarei.

7Ansin dúirt an rí leis an ngiolla Dé: "Tar liom abhaile agus caith bia agus tabharfaidh mé luach saothair duit."

8 Porém o homem de Deus disse ao rei: Ainda que me desses metade da tua casa, não iria contigo, nem comeria pão, nem beberia água neste lugar.

8Ach d'fhreagair an giolla Dé an rí: "Fiú dá dtabharfá leath do thí dom, ní rachainn leat. Ní íosfaidh mé greim aráin ná ní ólfaidh mé deoch uisce san áit seo,

9 Porque assim me ordenou o SENHOR pela sua palavra, dizendo: Não comerás

9mar fuair mé ordú ón Tiarna á rá: 'Ná hith greim aráin agus ná hol deoch uisce agus ná fill an bóthar ar ar tháinig tú.' "

pão, nem beberás água; e não voltarás pelo caminho por onde foste.

[10] E se foi por outro caminho; e não voltou pelo caminho por onde viera a Betel.

A desobediência e o castigo do profeta

[11] Morava em Betel um profeta velho; vieram seus filhos e lhe contaram tudo o que o homem de Deus fizera aquele dia em Betel; as palavras que dissera ao rei, contaram-nas a seu pai.

[12] Perguntou-lhes o pai: Por que caminho se foi? Mostraram seus filhos o caminho por onde fora o homem de Deus que viera de Judá.

[13] Então, disse a seus filhos: Albardai-me um jumento. Albardaram-lhe o jumento, e ele montou.

[14] E foi após o homem de Deus e, achando-o sentado debaixo de um carvalho, lhe disse: És tu o homem de Deus que vieste de Judá? Ele respondeu: Eu mesmo.

[15] Então, lhe disse: Vem comigo a casa e come pão.

[16] Porém ele disse: Não posso voltar contigo, nem entrarei contigo; não comerei pão, nem beberei água contigo neste lugar.

[17] Porque me foi dito pela palavra do SENHOR: Ali, não comerás pão, nem beberás água, nem voltarás pelo caminho por que foste.

[18] Tornou-lhe ele: Também eu sou profeta como tu, e um anjo me falou por ordem do SENHOR, dizendo: Faze-o voltar contigo a

[10]Thug sé bóthar eile air féin agus níor fhill sé an tslí a ghabh sé ag teacht go Béitéil.

Giolla Dé agus Fáidh

[11]Agus bhí seanfháidh ina chónaí i mBéitéil, agus tháinig a chlann mhac á rá leis gach a ndearna an giolla Dé an lá sin i mBéitéil, agus na briathra a labhair sé leis an rí - d'insíodar iadsan leis dá n-athair.

[12]“Cén bealach a ghabh sé?” d'fhiafraigh a n-athair díobh. Agus thaispeáin a chlann mhac [dó] an bealach a ghabh an giolla Dé a tháinig ó Iúdá.

[13]“Cuirigí an diallait ar an asal dom,” ar sé lena chlann mhac; chuireadar an diallait ar an asal dó dá bhrí sin agus chuaigh sé ar a mhuin.

[14]Lean sé an giolla Dé, agus fuair é ina shuí faoi scáth crann darach. “An tusa,” ar sé, “an giolla Dé a tháinig ó Iúdá?” “Is mé,” a d'fhreagair sé.

[15]“Tar abhaile liom,” ar sé, “agus caith bia.”

[16]“Ní féidir liom filleadh ar ais leat,” ar sé, “(ná dul isteach abhaile leat) ná bia ná deoch a chaitheamh anseo leat,

[17]mar fuair mé ordú ón Tiarna: ‘Ná hith greim aráin agus ná hól deoch uisce ansiúd agus ná fill an bothar ar ar tháinig tú.’ ”

[18]D'fhreagair an fear eile: “Is fáidh mise ar aon dul leat, agus dúirt aingeal liom ar ordú an Tiarna: ‘Tabhair leat ar ais chun

tua casa, para que coma pão e beba água. (Porém mentiu-lhe.)

19 Então, voltou ele, e comeu pão em sua casa, e bebeu água.

20 Estando eles à mesa, veio a palavra do SENHOR ao profeta que o tinha feito voltar;

21 e clamou ao homem de Deus, que viera de Judá, dizendo: Assim diz o SENHOR: Porquanto foste rebelde à palavra do SENHOR e não guardaste o mandamento que o SENHOR, teu Deus, te mandara,

22 antes, voltaste, e comeste pão, e bebeste água no lugar de que te dissera: Não comerás pão, nem beberás água, o teu cadáver não entrará no sepulcro de teus pais.

23 Depois de o profeta a quem fizera voltar haver comido pão e bebido água, albardou para ele o jumento.

24 Foi-se, pois, e um leão o encontrou no caminho e o matou; o seu cadáver estava atirado no caminho, e o jumento e o leão, parados junto ao cadáver.

25 Eis que os homens passaram e viram o corpo lançado no caminho, como também o leão parado junto ao corpo; e vieram e o disseram na cidade onde o profeta velho habitava.

26 Ouvindo-o o profeta que o fizera voltar do caminho, disse: É o homem de Deus,

do thí é ionas go gcaithfeadh sé bia agus deoch.' " Ach ba bhréag a d'inis sé dó.

19Chuaigh an giolla Dé ar ais leis agus chaith sé bia agus deoch ina theach.

20Agus ina suí chun boird dóibh tháinig briathar an Tiarna chun an fháidh a thug ar ais é,

21agus labhair sé os ard leis an ngiolla Dé a tháinig ó Iúdá: "Mar seo a deir an Tiarna," ar sé: " 'Dé bhrí go raibh tú easumhal d'ordú an Tiarna agus nár chomhlíon tú na treoracha a thug an Tiarna do Dhia duit,

22ach teacht ar ais agus bia agus deoch a chaitheamh san áit inar choisc sé bia agus deoch ort, ní shroichfidh do chorp tuama do shinsear.' "

23Nuair a bhí bia agus deoch caite aige, chuir an fáidh an diallait ar an asal dó, agus [chas sé timpeall agus d'imigh leis].

24Ar an mbothar dó bhuail leon leis sa tslí agus mharaigh sé é. Fágadh a chorp sínte faon ar an mbóthar; d'fhan an t-asal ina sheasamh ansiúd taobh leis, agus d'fhan an leon ina sheasamh ag an gcorp chomh maith.

25Chonaic daoine a bhí ag gabháil thar bráid an corp sínte ar an mbóthar agus an leon chomh maith ina sheasamh ag taobh an choirp, agus d'imíodar agus d'insíodar ina thaobh sa chathair ina raibh cónaí ar an seanfháidh.

26Agus nuair a chuala an fáidh, a chuir d'iallach ar an bhfear filleadh ar ais, ina

que foi rebelde à palavra do SENHOR; por isso, o SENHOR o entregou ao leão, que o despedaçou e matou, segundo a palavra que o SENHOR lhe tinha dito.

thaobh, dúirt sé: “Sé an giolla Dé é, a bhí easumhal d'ordú an Tiarna! Thug an Tiarna suas don leon é, agus rinne seisean é a stolladh agus a mharú, de réir an bhriathair a labhair an Tiarna leis.”

27 Então, disse a seus filhos: Albardai-me o jumento. Eles o albardaram.

27Agus dúirt sé lena chlann mhac: “Cuirigí an diallait ar an asal dom,” agus chuireadar.

28 Ele se foi e achou o cadáver atirado no caminho e o jumento e o leão, parados junto ao cadáver; o leão não tinha devorado o corpo, nem despedaçado o jumento.

28D'imigh sé leis agus fuair sé corp an fhir sínte ar an mbóthar agus an t-asal agus an leon ina seasamh taobh leis an gcorp. Ní raibh an corp ite ná an t-asal stollta ag an leon.

29 Então, o profeta levantou o cadáver do homem de Deus, e o pôs sobre o jumento, e o tornou a levar; assim, veio o profeta velho à cidade, para o chorar e enterrar.

29Thóg an fáidh corp an ghiolla Dé agus chuir ar a asal é agus thug ar ais é chun na cathrach ina raibh cónaí air lena chaoineadh agus lena adhlacadh.

30 Depositou o cadáver no seu próprio sepulcro; e o prantearam, dizendo: Ah! Irmão meu!

30Chuir sé an corp ina uaigh féin, agus chaoineadar é á rá: “Mo bhrón! mo bhráthair.”

31 Depois de o haver sepultado, disse a seus filhos: Quando eu morrer, enterrai-me no sepulcro em que o homem de Deus está sepultado; ponde os meus ossos junto aos ossos dele.

31Nuair a bhí sé curtha aige dúirt sé lena chlann mhac: “Nuair a gheobhaidh mé bás, cuirigí mé san uaigh ina bhfuil an giolla Dé curtha. Sínigí mo chnámha taobh lena chnámhasan.

32 Porque certamente se cumprirá o que por ordem do SENHOR clamou contra o altar que está em Betel e contra todas as casas dos altos que estão nas cidades de Samaria.

32Óir an briathar a ghlaoigh sé ar ordú an Tiarna in aghaidh altóir Bhéitéil, agus in aghaidh scrínte uile na n-ardionad i gcathracha na Samáire, tiocfaidh sé chun críche go cinnte.”

A persistência de Jeroboão no pecado

33 Depois destas coisas, Jeroboão ainda não deixou o seu mau caminho; antes, de entre o povo tornou a constituir sacerdotes para lugares altos; a quem queria,

33Níor éirígh Iarobám as a dhrochnósanna i ndiaidh an imeachta sin, ach lean sé air ag ceapadh daoine den choitiantacht arís ina sagairt do na hardionaid. Duine ar bith

consagrava para sacerdote dos lugares altos.

[34] Isso se tornou em pecado à casa de Jeroboão, para destruí-la e extingui-la da terra.

ar mhian leis é, choisric Iarobám é le bheith ina shagart do na hardionaid.

[34]Ar an gcaoi sin rinneadh teaghlach coiriúil de theaghlach Iarobám i dtreo gur scriosadh ar fad é de chlár na talún.

1 Reis 14

A profecia de Aías contra Jeroboão

[1] Naquele tempo, adoeceu Abias, filho de Jeroboão.

[2] Disse este a sua mulher: Dispõe-te, agora, e disfarça-te, para que não conheçam que és mulher de Jeroboão; e vai a Siló. Eis que lá está o profeta Aías, o qual a meu respeito disse que eu seria rei sobre este povo.

[3] Leva contigo dez pães, bolos e uma botija de mel e vai ter com ele; ele te dirá o que há de suceder a este menino.

[4] A mulher de Jeroboão assim o fez; levantou-se, foi a Siló e entrou na casa de Aías; Aías já não podia ver, porque os seus olhos já se tinham escurecido, por causa da sua velhice.

[5] Porém o SENHOR disse a Aías: Eis que a mulher de Jeroboão vem consultar-te sobre seu filho, que está doente. Assim e assim lhe falarás, porque, ao entrar, fingirá ser outra.

[6] Ouvindo Aías o ruído de seus pés, quando ela entrava pela porta, disse: Entra, mulher de Jeroboão; por que finges assim? Pois estou encarregado de te dizer duras novas.

1 Ríthe 14

[1]San am sin buaileadh tinn Aibíá mac Iarobám.

[2]Agus dúirt Iarobám lena bhean: “Téanam, le do thoil! Cuir bréagriocht ort féin ionas nach n-aithneoidh aon duine gur tú bean Iarobám, agus téigh go Sileo. Tá an fáidh Aichíá ansiúd, an té a dúirt go mbeinnse i mo rí ar an bpobal seo.

[3]Téigh chuige agus beir leat deich mbuilín agus roinnt cístí agus crúiscín meala, agus inseoidh sé duit cad a imeoidh ar an leanbh.”

[4]Rinne bean Iarobám amhlaidh, chuir chun bóthair, chuaigh go Sileo agus tháinig go teach Aichíá. Ní raibh aon radharc ag Aichíá mar go raibh a shúile caoch ón tseanaois.

[5]Ach dúirt an Tiarna leis: “Tá bean Iarobám ar an tslí chugat ag lorg oracail ort i dtaobh a mic mar go bhfuil sé breoite. Déarfaidh tú a leithéid seo léi. Nuair a thiocfaidh sí ligfidh sí uirthi féin gur bean eile í.”

[6]Nuair a chuala Aichíá a coiscéim ag an doras, dúirt sé: “Tar isteach, a bhean Iarobám; cén fáth a ligean ort gur duine éigin eile thú? Tá drochscéal agam duit:

[7] Vai e dize a Jeroboão: Assim diz o SENHOR, Deus de Israel: Porquanto te levantei do meio do povo, e te fiz príncipe sobre o meu povo de Israel,

[8] e tirei o reino da casa de Davi, e to entreguei, e tu não foste como Davi, meu servo, que guardou os meus mandamentos e andou após mim de todo o seu coração, para fazer somente o que parecia reto aos meus olhos;

[9] antes, fizeste o mal, pior do que todos os que foram antes de ti, e fizeste outros deuses e imagens de fundição, para provocar-me à ira, e me viraste as costas;

[10] portanto, eis que trarei o mal sobre a casa de Jeroboão, e eliminarei de Jeroboão todo e qualquer do sexo masculino, tanto o escravo como o livre, e lançarei fora os descendentes da casa de Jeroboão, como se lança fora o esterco, até que, de todo, ela se acabe.

[11] Quem morrer a Jeroboão na cidade, os cães o comerão, e o que morrer no campo aberto, as aves do céu o comerão, porque o SENHOR o disse.

[12] Tu, pois, dispõe-te e vai para tua casa; quando puseres os pés na cidade, o menino morrerá.

[13] Todo o Israel o pranteará e o sepultará; porque de Jeroboão só este dará entrada em sepultura, porquanto se achou nele

[7]Téigh go Iarobám agus abair leis: 'Mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael: D'ardaigh mé ó lár an phobail thú agus rinne mé ceannaire díot ar mo phobal Iosrael.

[8]Stiall mé an ríocht ó theaghlach Dháiví agus thug mé duitse í; ach ní raibh tú mar mo shearbhónta Dáiví, a choimeád m'aitheanta agus a lean mé óna chroí go hiomlán, gan ach an ceart amháin á dhéanamh aige i mo láthairse.

[9]Rinne tusa olc thar mar a rinne ar tháinig romhat; mar d'imigh tú leat agus rinne tú déithe eile duit féin, íomhánna de mhiotal leáite, rud a chuir fearg orm; agus thug tú droim láimhe liom.

[10]Dá bharr sin tabharfaidh mé tubaiste ar theach Iarobám; scriosfaidh mé gach mac máthar de mhuintir Iarobám, idir dhaor is shaor in Iosrael; scuabfaidh mé teaghlach Iarobám chun siúil faoi mar a scuabann duine aoileach chun siúil go dtí nach mbíonn ruainne fágtha.

[11]Aon duine de mhuintir Iarobám a gheobhaidh bás sa chathair, íosfaidh na madraí iad; aon daoine díobh a gheobhaidh bás faoin tuath, alpfaidh éanlaith an aeir iad; mar tá labhartha ag an Tiarna.'

[12]"Éirigh dá bhrí sin agus imigh abhaile. A luaithe a leagfaidh tú cos leat sa chathair gheobhaidh an leanbh bás.

[13]Déanfaidh Iosrael go léir é a chaoineadh, agus é a adhlacadh. Eisean amháin de mhuintir Iarobám a rachaidh i dtuama, mar is ann amháin de theaghlach Iarobám

coisa boa para com o SENHOR, Deus de Israel, em casa de Jeroboão.

a fuarthas ábhar taitnimh leis an Tiarna Dia Iosrael.

[14] O SENHOR, porém, suscitará para si um rei sobre Israel, que eliminará, no seu dia, a casa de Jeroboão. Que digo eu? Há de ser já.

[14]Ardóidh an Tiarna rí dó féin ar Iosrael a dhéanfaidh teaghlach Iarobám a scrios. (Inniu an lá. Agus cad eile anois?)

[15] Também o SENHOR ferirá a Israel para que se agite como a cana se agita nas águas; arrancará a Israel desta boa terra que dera a seus pais e o espalhará para além do Eufrates, porquanto fez os seus postes-ídolos, provocando o SENHOR à ira.

[15]Cuirfidh an Tiarna Iosrael ar crith dála na giolcaí san uisce, agus stoithfidh sé Iosrael as an tír fhónta a thug sé dá sinsir, agus scaipfidh sé thar an Eofrataes iad mar gur ghriogadar an Tiarna chun feirge leis na cuaillí naofa a rinneadar.

[16] Abandonará a Israel por causa dos pecados que Jeroboão cometeu e pelos que fez Israel cometer.

[16]Tabharfaidh sé cúl le hIosrael de bharr na bpeacaí lenar pheacaigh Iarobám agus a thug sé ar Iosrael a dhéanamh."

[17] Então, a mulher de Jeroboão se levantou, foi e chegou a Tirza; chegando ela ao limiar da casa, morreu o menino.

[17]Ansin d'éirigh bean Iarobám agus d'imigh léi agus tháinig go Tirzeá, agus a luaithe a chuir sí cos thar tairseach, bhí an leanbh marbh.

[18] Sepultaram-no, e todo o Israel o pranteou, segundo a palavra do SENHOR, por intermédio do profeta Aías, seu servo.

[18]Rinne Iosrael go léir é a adhlacadh agus a chaoineadh, de réir bhriathar an Tiarna, a labhair sé ó bhéal a shearbhónta, an fáidh Aichíá.

[19] Quanto aos mais atos de Jeroboão, como guerreou e como reinou, eis que estão escritos no Livro da História dos Reis de Israel.

[19]An chuid eile de stair Iarobám, na cogaí a d'fhear sé, conas a rialaigh sé, tá sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael.

[20] Foi de vinte e dois anos o tempo que reinou Jeroboão; e descansou com seus pais; e Nadabe, seu filho, reinou em seu lugar.

[20]Bhí Iarobám i réim dhá bhliain agus fiche agus chuaigh sé chun suain lena shinsir agus tháinig a mhac Nádáb i gcomharbacht air.

O reinado de Roboão, de Judá

2 Crônicas 12.1-16

Ríthe Iúdá

[21] Roboão, filho de Salomão, reinou em Judá; de quarenta e um anos de idade era

[21]Rinneadh rí ar Iúdá de Rachabám mac Sholaimh. Bhí Rachabám bliain agus

Roboão quando começou a reinar e reinou dezessete anos em Jerusalém, na cidade que o SENHOR escolhera de todas as tribos de Israel, para estabelecer ali o seu nome. Naamá era o nome de sua mãe, amonita.

daichead nuair a tháinig sé i gcoróin, agus bhí sé i gcoróin seacht mbliana déag in Iarúsailéim, an chathair ar threibheanna Iosrael a thogh an Tiarna lena ainm a chur inti. Námá an tAmónach ab ainm dá mháthair.

22 Fez Judá o que era mau perante o SENHOR; e, com os pecados que cometeu, o provocou a zelo, mais do que fizeram os seus pais.

22Agus rinne [sé] an t-olc i bhfianaise an Tiarna, ag cur míchéadfa air lena pheacaí thar mar a rinne a shinsir leis na peacaí go léir a rinneadar,

23 Porque também os de Judá edificaram altos, estátuas, colunas e postes-ídolos no alto de todos os elevados outeiros e debaixo de todas as árvores verdes.

23mar thógadarsan ardionaid dóibh féin, agus galláin, agus cuaillí naofa ar gach sliabh ard agus faoi gach crann craobhach.

24 Havia também na terra prostitutos-cultuais; fizeram segundo todas as coisas abomináveis das nações que o SENHOR expulsara de diante dos filhos de Israel.

24Bhí fiú striapacha naofa fir sa tír. Rinne sé aithris ar na nósanna bréana a bhí ag na ciníocha go léir a dhíbir an Tiarna roimh chlann Iosrael.

25 No quinto ano do rei Roboão, Sisaque, rei do Egito, subiu contra Jerusalém

25Sa chúigiú bliain de réimeas Rachabám, tháinig Síseac rí na hÉigipte aníos i gcoinne Iarúsailéim;

26 e tomou os tesouros da Casa do SENHOR e os tesouros da casa do rei; tomou tudo. Também levou todos os escudos de ouro que Salomão tinha feito.

26thug sé leis seoda Theampall an Tiarna agus seoda an pháláis ríoga; thug sé leis gach rud, fiú na sciatha óir go léir a rinne Solamh.

27 Em lugar destes, fez o rei Roboão escudos de bronze e os entregou nas mãos dos capitães da guarda, que guardavam a porta da casa do rei.

27Ina n-áitsean rinne Rachabám sciatha cré-umha, agus chuir iad faoi chúram oifigigh gharda gheataí pháláis an rí.

28 Toda vez que o rei entrava na Casa do SENHOR, os da guarda usavam os escudos e tornavam a trazê-los para a câmara da guarda.

28Aon uair a théadh an rí isteach i dTeampall an Tiarna, d'iompraíodh na gardaí iad, agus thugaidís ar ais chun seomra an gharda iad ina dhiaidh sin.

[29] Quanto aos mais dos atos de Roboão e a tudo quanto fez, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Judá?

[30] Houve guerra entre Roboão e Jeroboão todos os seus dias.

[31] Roboão descansou com seus pais e com eles foi sepultado na Cidade de Davi. Naamá era o nome de sua mãe, amonita; e Abias, filho de Roboão, reinou em seu lugar.

[29]An chuid eile de stair Rachabám, a imeachtaí go léir, nach bhfuil siad scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iúdá?

[30]Bhí Rachabám agus Iarobám ag cogaíocht le chéile i gcaitheamh a ré.

[31]Ansin chuaigh Rachabám chun suain lena shinsir agus cuireadh é i nDúnfort Dháiví; agus tháinig a mhac Aibíám i gcomharbacht air.

1 Reis 15

O reinado de Abias, de Judá
2 Crônicas 13.1-22

[1] No décimo oitavo ano do rei Jeroboão, filho de Nebate, Abias começou a reinar sobre Judá.

[2] Três anos reinou em Jerusalém. Era o nome de sua mãe Maaca, filha de Absalão.

[3] Andou em todos os pecados que seu pai havia cometido antes dele; e seu coração não foi perfeito para com o SENHOR, seu Deus, como o coração de Davi, seu pai.

[4] Mas, por amor de Davi, o SENHOR, seu Deus, lhe deu uma lâmpada em Jerusalém, levantando a seu filho depois dele e dando estabilidade a Jerusalém.

[5] Porquanto Davi fez o que era reto perante o SENHOR e não se desviou de tudo quanto lhe ordenara, em todos os dias da sua vida, senão no caso de Urias, o heteu.

[6] Houve guerra entre Roboão e Jeroboão todos os dias da sua vida.

1 Ríthe 15

[1]San ochtú bliain déag de réimeas Iarobám mac Nabát tháinig Aibíám i gcoróin ar Iúdá.

[2]Bhí sé i réim ar feadh trí bliana in Iarúsailéim. Mácá, iníon Aibseálóm, ab ainm dá mháthair.

[3]Lean sé sampla peacúil a athar roimhe i ngach ní. Ní raibh a chroí dílis ar fad don Tiarna faoi mar a bhí croí Dháiví a shinsear.

[4]Dá ainneoin sin, ar son Dháiví, a athair, thug an Tiarna a Dhia lóchrann dó in Iarúsailéim, chinntigh mac ina dhiaidh agus dhaingnigh Iarúsailéim.

[5]Óir rinne Dáiví an ceart i bhfianaise an Tiarna agus níor dhiúltaigh sé riamh i gcaitheamh a shaoil déanamh mar a d'ordaigh sé (seachas i gcas Úiríá an Hiteach).

[6](Bhí Aibíám agus Iarobám ag cogaíocht le chéile i gcaitheamh a ré.)

7 Quanto aos mais atos de Abias e a tudo quanto fez, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Judá? Também houve guerra entre Abias e Jeroboão.

8 Abias descansou com seus pais, e o sepultaram na Cidade de Davi; e Asa, seu filho, reinou em seu lugar.

O reinado de Asa, de Judá

2 Crônicas 14.1-8; 15.16—16.14

9 No vigésimo ano de Jeroboão, rei de Israel, começou Asa a reinar sobre Judá.

10 Quarenta e um anos reinou em Jerusalém. Era o nome de sua mãe Maaca, filha de Absalão.

11 Asa fez o que era reto perante o SENHOR, como Davi, seu pai.

12 Porque tirou da terra os prostitutos-cultuais e removeu todos os ídolos que seus pais fizeram;

13 e até a Maaca, sua mãe, depôs da dignidade de rainha-mãe, porquanto ela havia feito ao poste-ídolo uma abominável imagem; pois Asa destruiu essa imagem e a queimou no vale de Cedrom;

14 os altos, porém, não foram tirados; todavia, o coração de Asa foi, todos os seus dias, totalmente do SENHOR.

15 Trouxe à Casa do SENHOR as coisas consagradas por seu pai e as coisas que ele mesmo consagrara: prata, ouro e objetos de utilidade.

16 Houve guerra entre Asa e Baasa, rei de Israel, todos os seus dias.

7An chuid eile de stair Aibíám, a imeachtaí go léir, nach bhfuil siad scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iúdá? Bhí cogadh idir Aibíám agus Iarobám.

8Ansin chuaigh Aibíám chun suain lena shinsir, agus cuireadh é i nDúnfort Dháiví. Tháinig a mhac Ásá i gcoróin ina áit.

9San fhichiú bliain de réimeas Iarobám rí Iosrael tháinig Ásá i gcoróin ar Iúdá,

10agus rialaigh sé bliain agus daichead in Iarúsailéim.

11Mácá iníon Aibseálóm b'ainm dá mháthair. Rinne Ásá an ceart i láthair an Tiarna mar a rinne a athair Dáiví.

12Dhíbir sé ón tír na striapacha naofa fir agus scuab sé chun siúil na híola go léir a rinne a shinsir.

13Bhain sé dínit na ríonmháthar fiú dá mháthair mar go ndearna sí dealbh ghráiniúil de Aiséará. Ghearr Ásá an dealbh anuas agus dhóigh sé i nGleann Chidreon í.

14Cé nár scuabadh chun siúil na hardionaid, bhí croí Ásá dílis go hiomlán don Tiarna i gcaitheamh a shaoil.

15Chuir sé isteach i dTeampall an Tiarna na tabhartais a thíolaic a athair, agus é féin, idir ór agus airgead agus ghréithe.

16Bhí Ásá agus Báiseá rí Iosrael ag cogaíocht le chéile i gcaitheamh a ré go léir.

[17] Porque Baasa, rei de Israel, subiu contra Judá e edificou a Ramá, para que a ninguém fosse permitido sair de junto de Asa, rei de Judá, nem chegar a ele.

[17]Ghabh Báiseá rí Iosrael suas i gcoinne Iúdá agus dhaingnigh sé Rámá d'fhonn léigear a chur ar Ásá rí Iúdá.

[18] Então, Asa tomou toda a prata e ouro restantes nos tesouros da Casa do SENHOR e os tesouros da casa do rei e os entregou nas mãos de seus servos; e o rei Asa os enviou a Ben-Hadade, filho de Tabrimom, filho de Heziom, rei da Síria, e que habitava em Damasco, dizendo:

[18]Thóg Ásá leis ansin a raibh fágtha d'airgead agus d'ór ó chistí Theampall an Tiarna agus phálás an rí. Chuir an rí Ásá an t-iomlán i lámha a shearbhóntaí, sheol sé iad go Bein Hadad mac Thabrimeon mac Heizión, rí Arám, a raibh cónaí air sa Damaisc leis an teachtaireacht:

[19] Haja aliança entre mim e ti, como houve entre meu pai e teu pai. Eis que te mando um presente, prata e ouro; vai e anula a tua aliança com Baasa, rei de Israel, para que se retire de mim.

[19]"Bíodh conradh idir mise agus thusa, faoi mar a bhí idir m'athairse agus d'athairse. Féach tá bronntanas óir agus airgid á chur agam chugat. Téigh agus bris an conradh atá agat le Báiseá rí Iosrael agus caithfidh sé cúlú ó mo chríochasa."

[20] Ben-Hadade deu ouvidos ao rei Asa e enviou os capitães dos seus exércitos contra as cidades de Israel; e feriu a Ijom, a Dã, a Abel-Bete-Maaca e todo o distrito de Quinerete, com toda a terra de Naftali.

[20]D'aontaigh Bein Hadad leis an rí Ásá agus sheol sé lucht ceannais a airm i gcoinne cathracha Iosrael. Ghabh sé Íón agus Dán agus Ábael Béit Mácá agus Cinearót ar fad agus dúiche Naftáilí go léir.

[21] Ouvindo isso, Baasa deixou de edificar a Ramá e ficou em Tirza.

[21]Nuair a chuala Báiseá é sin, scoir sé de bheith ag daingniú Rámá agus d'fhill ar Thirzeá.

[22] Então, o rei Asa fez apregoar por toda a região de Judá que todos, sem exceção, trouxessem as pedras de Ramá e a sua madeira, com que Baasa a edificara; com elas edificou o rei Asa a Geba de Benjamim e a Mispa.

[22]Ansin thionóil an rí Ásá Iúdá go léir, gan eisceacht a dhéanamh d'aon duine. Thógadar chun siúil na clocha agus an t-adhmad lena raibh Báiseá ag daingniú Rámá, agus leis sin go léir dhaingnigh an rí Ásá Geaba i mBiniáimin, agus Mizpeá.

[23] Quanto aos mais atos de Asa, e a todo o seu poder, e a tudo quanto fez, e às cidades que edificou, porventura, não

[23]An chuid eile de stair Ásá, a ghaisce go léir, agus a imeachtaí ar fad (agus na cathracha a thóg sé), nach bhfuil sin uile

estão escritos no Livro da História dos Reis de Judá? Porém, no tempo da sua velhice, padeceu dos pés.

[24] Descansou Asa com seus pais e com eles foi sepultado na Cidade de Davi, seu pai; e Josafá, seu filho, reinou em seu lugar.

O mau reinado de Nadabe, de Israel

[25] Nadabe, filho de Jeroboão, começou a reinar sobre Israel no ano segundo de Asa, rei de Judá; e reinou sobre Israel dois anos.

[26] Fez o que era mau perante o SENHOR e andou nos caminhos de seu pai e no pecado com que seu pai fizera pecar a Israel.

[27] Conspirou contra ele Baasa, filho de Aías, da casa de Issacar, e o feriu em Gibetom, que era dos filisteus, quando Nadabe e todo o Israel cercavam Gibetom.

[28] Baasa, no ano terceiro de Asa, rei de Judá, matou a Nadabe e passou a reinar em seu lugar.

[29] Logo que começou a reinar, matou toda a descendência de Jeroboão; não lhe deixou ninguém com vida, a todos exterminou, segundo a palavra do SENHOR, por intermédio do seu servo Aías, o silonita,

[30] por causa dos pecados que Jeroboão cometera e pelos que fizera Israel cometer, por causa da provocação com que irritara ao SENHOR, Deus de Israel.

scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iúdá? Ina sheanaois, ámh, bhí na cosa ag goilliúint air.

[24]Chuaigh Ásá chun suain lena shinsir agus cuireadh é i nDúnfort Dháiví, a shinsear. Tháinig Iahóiseáfát, a mhac, i gcomharbacht air.

Ríthe Iosrael

[25]Tháinig Nádáb mac Iarobám i gcoróin ar Iosrael sa dara bliain de réimeas Ásá rí Iúdá, agus bhí sé dhá bhliain ina rí ar Iosrael.

[26]Rinne sé an t-olc i láthair an Tiarna, agus lean sé drochshampla a athar agus rinne aithris ar an bpeaca inar threoraigh sé Iosrael chun peacú.

[27]Rinne Báiseá mac Aichíá de theaghlach Íosácár comhcheilg ina aghaidh agus threascair Báiseá é ag Gibeatón, cathair leis na Filistínigh a bhí faoi léigear ag Nádáb agus ag Iosrael go léir.

[28]Mharaigh Báiseá Nádáb agus tháinig i gcomharbacht air sa tríú bliain de réimeas Ásá rí Iúdá.

[29]A luaithe agus a tháinig sé i gcoróin, bhásaigh sé teaghlach Iarobám ar fad, gan anacal a dhéanamh ar oiread agus duine beo, ach iad go léir a ídiú, díreach faoi mar a thairngir briathar an Tiarna a labhair sé trína shearbhónta Aichíá ó Shileo,

[30]de bharr peacaí Iarobám agus na bpeacaí inar threoraigh sé Iosrael chun peacú agus de bhrí gur ghriog sé an Tiarna, Dia Iosrael, chun feirge.

[31] Quanto aos mais atos de Nadabe e a tudo quanto fez, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Israel?

[32] Houve guerra entre Asa e Baasa, rei de Israel, todos os seus dias.

O reinado de Baasa, de Israel

[33] No ano terceiro de Asa, rei de Judá, Baasa, filho de Aías, começou a reinar sobre todo o Israel, em Tirza, e reinou vinte e quatro anos.

[34] Fez o que era mau perante o SENHOR e andou no caminho de Jeroboão e no seu pecado, o qual fizera Israel cometer.

[31]An chuid eile de stair Nádáb, a imeachtaí go léir, nach bhfuil sin uile scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael?

[32](Bhí Ásá agus Báiseá ag cogaíocht le chéile i gcaitheamh a ré go léir.)

[33]Sa tríú bliain de ré Ásá rí Iúdá, tháinig Báiseá, mac Aichíá, i gcoróin ar Iosrael ag Tirzeá, agus mhair a ré ceithre bliana fichead.

[34]Rinne sé an t-olc i láthair an Tiarna agus rinne sé aithris ar Iarobám agus ar an bpeaca inar threoraigh sé Iosrael chun peacú.

1 Reis 16

A profecia de Jeú contra Baasa

[1] Então, veio a palavra do SENHOR a Jeú, filho de Hanani, contra Baasa, dizendo:

[2] Porquanto te levantei do pó e te constituí príncipe sobre o meu povo de Israel, e tens andado no caminho de Jeroboão e tens feito pecar a meu povo de Israel, irritando-me com os seus pecados,

[3] eis que te exterminarei a ti, Baasa, e os teus descendentes e farei à tua casa como à casa de Jeroboão, filho de Nebate.

[4] Quem morrer a Baasa na cidade, os cães o comerão, e o que dele morrer no campo aberto, as aves do céu o comerão.

1 Ríthe 16

[1]Tháinig briathar an Tiarna in aghaidh Bháiseá chun Iéahú mac Hanáiní á rá:

[2]“D'ardaigh mé as an deannach thú agus chuir mé thú mar cheannaire ar mo phobal Iosrael, ach lean tú sampla Iarobám agus threoraigh tú mo phobal Iosrael chun peacaí a dhéanamh a ghriogann mé chun feirge.

[3]Scuabfaidh mé Báiseá agus a theaghlach chun siúil, más ea; cuirfidh mé an chríoch chéanna ar do theaghlach agus a cuireadh ar theaghlach Iarobám mac Nabát.

[4]Aon daoine de mhuintir Bháiseá a gheobhaidh bás sa chathair, íosfaidh na madraí iad; aon daoine díobh a gheobhaidh bás faoin tuath, alpfaidh éanlaith an aeir iad.”

[5] Quanto aos mais atos de Baasa, e ao que fez, e ao seu poder, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Israel?

[5]An chuid eile de stair Bháiseá, a imeachtaí, agus a ghaisce, nach bhfuil sin uile scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael?

[6] Baasa descansou com seus pais e foi sepultado em Tirza; e Elá, seu filho, reinou em seu lugar.

[6]Ansin chuaigh Báiseá chun suain lena shinsir agus adhlacadh é i dTirzeá, agus tháinig a mhac Éala i gcomharbacht air mar rí.

[7] Assim, veio a palavra do SENHOR, por intermédio do profeta Jeú, filho de Hanani, contra Baasa e contra a sua descendência; e isso por todo o mal que fizera perante o SENHOR, irritando-o com as suas obras, para ser como a casa de Jeroboão, e também porque matara a casa de Jeroboão.

[7]Ina theannta sin, trí bhéal an fháidh Iéahú mac Hanáiní, fógraíodh briathar an Tiarna in aghaidh Bháiseá agus a theaghlach sa chéad áit de bharr a ndearna sé d'olc i láthair an Tiarna, á ghriogadh chun feirge lena ghníomhartha, agus ag teacht ar aon dul le teaghlach Iarobám; agus sa dara háit de bhrí gur scrios sé an teaghlach sin.

O reinado de Elá, de Israel, e a conspiração de Zinri

[8] No vigésimo sexto ano de Asa, rei de Judá, Elá, filho de Baasa, começou a reinar em Tirza sobre Israel; e reinou dois anos.

[8]Sa séú bliain fichead de réimeas Ásá rí Iúdá, tháinig Éala mac Bháiseá i gcoróin ar Iosrael ag Tirzeá agus mhair a réimeas dhá bhliain.

[9] Zinri, seu servo, comandante da metade dos carros, conspirou contra ele. Achava-se Elá em Tirza, bebendo e embriagando-se em casa de Arsa, seu mordomo em Tirza.

[9]Rinne a shearbhónta Zimrí, ceannaire leath a chairbtheach, comhcheilg ina aghaidh agus nuair a bhí sé ar meisce le teann óil i dteach Arzá, fear a bhí ina reachtaire ar an bpálás i dTirzeá,

[10] Entrou Zinri, e o feriu, e o matou, no ano vigésimo sétimo de Asa, rei de Judá; e reinou em seu lugar.

[10]tháinig Zimrí isteach, leag ar lár é, agus mharaigh é sa seachtú bliain fichead de réimeas Ásá rí Iúdá, agus ghabh an choróin ina áit.

[11] Logo que começou a reinar e se assentou no trono, feriu todos os descendentes de Baasa; não lhe deixou nenhum do sexo

[11]Nuair a tháinig sé i réim, a luaithe a shuigh sé sa ríchathaoir, bhásaigh sé teaghlach Bháiseá go léir, níor fhág sé fear dá ghaolta ná dá chairde beo.

masculino, nem dos parentes, nem dos seus amigos.

[12] Assim, exterminou Zinri todos os descendentes de Baasa, segundo a palavra do SENHOR, por intermédio do profeta Jeú, contra Baasa,

[13] por todos os pecados de Baasa, e os pecados de Elá, seu filho, que cometeram, e pelos que fizeram Israel cometer, irritando ao SENHOR, Deus de Israel, com os seus ídolos.

[14] Quanto aos mais atos de Elá e a tudo quanto fez, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Israel?

O reinado de Zinri, de Israel

[15] No ano vigésimo sétimo de Asa, rei de Judá, reinou Zinri sete dias em Tirza; e o povo estava acampado contra Gibetom, que era dos filisteus.

[16] O povo que estava acampado ouviu dizer: Zinri conspirou contra o rei e o matou. Pelo que todo o Israel, no mesmo dia, no arraial, constituiu rei sobre Israel a Onri, comandante do exército.

[17] Subiu Onri de Gibetom, e todo o Israel, com ele, e sitiaram Tirza.

[18] Vendo Zinri que a cidade era tomada, foi-se ao castelo da casa do rei, e o queimou sobre si, e morreu,

[19] por causa dos pecados que cometera, fazendo o que era mau perante o SENHOR, andando no caminho de Jeroboão e no

[12]Scrios Zimrí teaghlach Bháiseá go léir de réir bhriathar an Tiarna a labhair sé ó bheal an fháidh Iéahú,

[13]de bharr peacaí Bháiseá go léir, agus peacaí Éalá, a mhac, a pheacaíodar, agus na bpeacaí inar threoraigh siad Iosrael, agus iad ag griogadh an Tiarna, Dia Iosrael, chun feirge lena n-íola baotha.

[14]An chuid eile de stair Éalá, agus a imeachtaí go léir, nach bhfuil sin uile scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael?

[15]Sa seachtú bliain fichead de réimeas Ásá rí Iúdá, tháinig Zimrí i gcoróin ar Iosrael i dTirzeá, ar feadh seacht lá. Bhí an pobal i longfort os comhair Ghibeatón, cathair leis na Filistínigh.

[16]Nuair a fuarthas an scéala sa longfort: “Rinne Zimrí comhcheilg in aghaidh an rí agus mharaigh sé an rí chomh maith” d'fhógair Iosrael go léir Omraí a gceann feadhna ina rí ar Iosrael an lá céanna sa longfort.

[17]Scoir Omraí, agus Iosrael go léir mar aon leis, den léigear ar Ghibeatón, agus chuireadar léigear ar Thirzeá.

[18]Nuair a chonaic Zimrí go raibh an chathair gafa chuaigh sé isteach i ndún phálás an rí, chuir an pálás trí thine sa mhullach air féin agus fuair bás,

[19]de bharr na bpeacaí a rinne sé ag déanamh an oilc i láthair an Tiarna, ag

pecado que cometera, fazendo pecar a Israel.

déanamh aithris ar Iarobám, agus an pheaca inar threoraigh sé Iosrael.

[20] Quanto aos mais atos de Zinri e à conspiração que fez, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Israel?

[20]An chuid eile de stair Zimrí, an chomhcheilg a rinne sé, nach bhfuil sin uile scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael?

O reinado de Onri, de Israel

[21] Então, o povo de Israel se dividiu em dois partidos: metade do povo seguia a Tibni, filho de Ginate, para o fazer rei, e a outra metade seguia a Onri.

[21]Rinneadh dhá pháirtí de mhuintir Iosrael ansin; lean leath an phobail Tibní mac Ghíonat le rí a dhéanamh de, agus an leath eile Omraí.

[22] Mas o povo que seguia a Onri prevaleceu contra o que seguia a Tibni, filho de Ginate. Tibni morreu, e passou a reinar Onri.

[22]Fuair an páirtí a lean Omraí an lámh in uachtar ar an bpáirtí a lean Tibní. Fuair Tibní bás, agus rinneadh rí de Omraí.

[23] No trigésimo primeiro ano de Asa, rei de Judá, Onri começou a reinar sobre Israel e reinou doze anos. Em Tirza, reinou seis anos.

[23]San aonú bliain tríochad de réimeas Ásá rí Iúdá, tháinig Omraí i gcoróin ar Iosrael agus bhí sé i réim ar feadh dhá bhliain déag. Bhí sé sé bliana i réim i dTirzeá.

[24] De Semer comprou ele o monte de Samaria por dois talentos de prata e o fortificou; à cidade que edificou sobre o monte, chamou-lhe Samaria, nome oriundo de Semer, dono do monte.

[24]Ansin cheannaigh sé sliabh (na Samáire) ó Sheimir ar dhá thallann airgid agus thóg sé cathair air agus thug sé an tSamáir uirthi ó Sheimir, an té ar leis an sliabh.

[25] Fez Onri o que era mau perante o SENHOR; fez pior do que todos quantos foram antes dele.

[25]Rinne Omraí an t-olc i bhfianaise an Tiarna, agus sháraigh sé ar ghabh roimhe go léir lena dhrochbhearta.

[26] Andou em todos os caminhos de Jeroboão, filho de Nebate, como também nos pecados com que este fizera pecar a Israel, irritando ao SENHOR, Deus de Israel, com os seus ídolos.

[26]Rinne sé aithris chruinn ar Iarobám mac Nabát agus ar na peacaí inar threoraigh sé Iosrael, ag griogadh an Tiarna, Dia Iosrael, chun feirge lena n-íola baotha.

[27] Quanto aos mais atos de Onri, ao que fez e ao poder que manifestou, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Israel?

[27]An chuid eile de stair Omraí, a imeachtaí, agus a ghaisce, nach bhfuil sin uile scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael?

[28] Onri descansou com seus pais e foi sepultado em Samaria; e Acabe, seu filho, reinou em seu lugar.

O reinado de Acabe, de Israel. Seu casamento com Jezabel

[29] Acabe, filho de Onri, começou a reinar sobre Israel no ano trigésimo oitavo de Asa, rei de Judá; e reinou Acabe, filho de Onri, sobre Israel, em Samaria, vinte e dois anos.

[30] Fez Acabe, filho de Onri, o que era mau perante o SENHOR, mais do que todos os que foram antes dele.

[31] Como se fora coisa de somenos andar ele nos pecados de Jeroboão, filho de Nebate, tomou por mulher a Jezabel, filha de Etbaal, rei dos sidônios; e foi, e serviu a Baal, e o adorou.

[32] Levantou um altar a Baal, na casa de Baal que edificara em Samaria.

[33] Também Acabe fez um poste-ídolo, de maneira que cometeu mais abominações para irritar ao SENHOR, Deus de Israel, do que todos os reis de Israel que foram antes dele.

[34] Em seus dias, Hiel, o betelita, edificou a Jericó; quando lhe lançou os fundamentos, morreu-lhe Abirão, seu primogênito; quando lhe pôs as portas, morreu Segube, seu último, segundo a palavra do SENHOR, que falara por intermédio de Josué, filho de Num.

1 Reis 17

Elias prediz grande seca. Corvos o sustentam

[28]Ansin chuaigh Omraí chun suain lena shinsir agus cuireadh é sa tSamáir. Tháinig a mhac Acháb i gcomharbacht air.

[29]Tháinig Acháb mac Omraí i gcoróin ar Iosrael san ochtú bliain tríochad de réimeas Ásá rí Iúdá, agus bhí sé ina rí ar Iosrael sa tSamáir ar feadh dhá bhliain agus fiche.

[30]Rinne Acháb mac Omraí an t-olc i bhfianaise an Tiarna agus sháraigh sé ar ghabh roimhe go léir lena dhrochbhearta.

[31]Ba é ba lú a rinne sé ná aithris a dhéanamh ar Iarobám mac Nabát; phós sé Ízeibil iníon Eatbál rí na Síodónach, agus ansin chrom sé ar fhónamh do Bhál agus é a adhradh.

[32]Thóg sé altóir do Bhál i dteampall Bhál a thóg sé dó sa tSamáir.

[33]Chuir Acháb cuaille naofa ina sheasamh chomh maith, agus rinne sé coireanna eile ag griogadh an Tiarna, Dia Iosrael, thar mar a rinne ríthe uile Iosrael a ghabh roimhe.

[34]Is lena linn a d'atóg Híéil ó Bhéitéil Ireachó. Dhíol sé a chéadghin, Aibíorám, mar cháin ag leagan a mháithreacha, agus Sagúb, an mac ab óige leis, ag tógáil a gheataí, faoi mar a thairngir an Tiarna trí Iósua mac Nún.

1 Ríthe 17

Éilias
An Triomach

[1] Então, Elias, o tesbita, dos moradores de Gileade, disse a Acabe: Tão certo como vive o SENHOR, Deus de Israel, perante cuja face estou, nem orvalho nem chuva haverá nestes anos, segundo a minha palavra.

[2] Veio-lhe a palavra do SENHOR, dizendo:

[3] Retira-te daqui, vai para o lado oriental e esconde-te junto à torrente de Querite, fronteira ao Jordão.

[4] Beberás da torrente; e ordenei aos corvos que ali mesmo te sustentem.

[5] Foi, pois, e fez segundo a palavra do SENHOR; retirou-se e habitou junto à torrente de Querite, fronteira ao Jordão.

[6] Os corvos lhe traziam pela manhã pão e carne, como também pão e carne ao anoitecer; e bebia da torrente.

[7] Mas, passados dias, a torrente secou, porque não chovia sobre a terra.

Elias e a viúva de Sarepta

[8] Então, lhe veio a palavra do SENHOR, dizendo:

[9] Dispõe-te, e vai a Sarepta, que pertence a Sidom, e demora-te ali, onde ordenei a uma mulher viúva que te dê comida.

[10] Então, ele se levantou e se foi a Sarepta; chegando à porta da cidade, estava ali uma mulher viúva apanhando lenha; ele a chamou e lhe disse: Traze-me, peço-te, uma vasilha de água para eu beber.

[1]Dúirt Éilias an Tisbíoch ó Thisbé i nGileád le hAcháb: “Dar an Tiarna beo, Dia Iosrael, dá ndéanaim seirbhís, ní thiocfaidh drúcht ná fearthainn sna blianta beaga romhainn, ach de réir mar ordóidh mise.”

[2]Tháinig briathar an Tiarna chuige á rá:

[3]“Imigh leat as an áit seo, gabh soir agus téigh i bhfolach i nGleann Chéirít atá taobh thoir den Iordáin.

[4]Bí ag ól as an sruthán agus thug mé ordú do na fiacha bia a sholáthar duit ansin.”

[5]Rinne sé mar a dúirt an Tiarna leis; d'imigh sé agus d'fhan sé i nGleann Chéirít atá taobh thoir den Iordáin.

[6]Thugadh na fiacha arán chuige ar maidin agus feoil um thráthnóna, agus d'óladh sé uisce an tsrutháin.

[7]Ar ball beag chuaigh an sruthán i ndísc toisc nach raibh fearthainn sa tír.

[8]Ansin tháinig briathar an Tiarna chuige á rá:

[9]“Éirigh agus imigh leat go Zárafat, cathair Shíodónach, agus fan ansin. Thug mé ordú, féach, do bhaintreach ansiúd thú a chothú.”

[10]D'éirigh sé agus d'imigh mar sin go Zárafat. Nuair a bhain sé geata na cathrach amach, bhí baintreach ann ag cruinniú brosna. Chuir sé forrán uirthi agus dúirt: “Tabhair chugam le do thoil braoinín uisce i soitheach, ionas go mbeadh deoch uisce agam.”

[11] Indo ela a buscá-la, ele a chamou e lhe disse: Traze-me também um bocado de pão na tua mão.

[12] Porém ela respondeu: Tão certo como vive o SENHOR, teu Deus, nada tenho cozido; há somente um punhado de farinha numa panela e um pouco de azeite numa botija; e, vês aqui, apanhei dois cavacos e vou preparar esse resto de comida para mim e para o meu filho; comê-lo-emos e morreremos.

[13] Elias lhe disse: Não temas; vai e faze o que disseste; mas primeiro faze dele para mim um bolo pequeno e traze-mo aqui fora; depois, farás para ti mesma e para teu filho.

[14] Porque assim diz o SENHOR, Deus de Israel: A farinha da tua panela não se acabará, e o azeite da tua botija não faltará, até ao dia em que o SENHOR fizer chover sobre a terra.

[15] Foi ela e fez segundo a palavra de Elias; assim, comeram ele, ela e a sua casa muitos dias.

[16] Da panela a farinha não se acabou, e da botija o azeite não faltou, segundo a palavra do SENHOR, por intermédio de Elias.

[17] Depois disto, adoeceu o filho da mulher, da dona da casa, e a sua doença se agravou tanto, que ele morreu.

[18] Então, disse ela a Elias: Que fiz eu, ó homem de Deus? Vieste a mim para

[11]Bhí sí ar tí imeacht faoina choinne nuair a ghlaoigh sé uirthi: “Ar mhiste leat,” ar sé, “blúire aráin a thabhairt chugam i do láimh.”

[12]“Dar an Tiarna do Dhia beo,” a d'fhreagair sí, “níl builín aráin ar bith agam, níl ach glac mine i bpróca agus braoinín ola i gcrúiscín. Tá mé ag cruinniú cipín nó dhó anois roimh dhul isteach chun an méid sin a ullmhú dom féin agus do mo mhac le hithe, agus ansin gheobhaimid bás.”

[13]Ach dúirt Éilias léi: “Ná bíodh eagla ort, imigh agus déan mar a dúirt tú, ach déan toirtín beag domsa as i dtús ama, agus tabhair chugam é, agus ina dhiaidh sin déan tuilleadh duit féin agus do do mhac.

[14]Óir is mar seo a labhraíonn an Tiarna, Dia Iosrael: ‘Ní bheidh an próca mine ídithe, ní bheidh an crúiscín ola folamh, nó go dtiocfaidh an lá a chuirfidh an Tiarna fearthainn ar aghaidh na talún.’ ”

[15]D'imigh sí agus rinne mar a dúirt Éilias léi agus d'ith siad an bia, ise, eisean agus [a mac] ar feadh a lán laethanta.

[16]Ní raibh an próca mine ídithe na an crúiscín ola folamh, díreach mar a dúirt an Tiarna roimh re trí bhéal Éilias.

Mac Marbh Beo

[17]Tamall ina dhiaidh sin bhuail taom tinnis mac na mná, bean an tí; bhí sé chomh breoite sin nár fhan an dé ann.

[18]Dúirt an bhean le hÉilias: “Cad é atá agat i m'éadan, a ghiolla Dé? An le mo pheacaí

trazeres à memória a minha iniqüidade e matares o meu filho?

[19] Ele lhe disse: Dá-me o teu filho; tomou-o dos braços dela, e o levou para cima, ao quarto, onde ele mesmo se hospedava, e o deitou em sua cama;

[20] então, clamou ao SENHOR e disse: Ó SENHOR, meu Deus, também até a esta viúva, com quem me hospedo, afligiste, matando-lhe o filho?

[21] E, estendendo-se três vezes sobre o menino, clamou ao SENHOR e disse: Ó SENHOR, meu Deus, rogo-te que faças a alma deste menino tornar a entrar nele.

[22] O SENHOR atendeu à voz de Elias; e a alma do menino tornou a entrar nele, e reviveu.

[23] Elias tomou o menino, e o trouxe do quarto à casa, e o deu a sua mãe, e lhe disse: Vê, teu filho vive.

[24] Então, a mulher disse a Elias: Nisto conheço agora que tu és homem de Deus e que a palavra do SENHOR na tua boca é verdade.

1 Reis 18

Elias apresenta-se diante de Acabe

[1] Muito tempo depois, veio a palavra do SENHOR a Elias, no terceiro ano, dizendo: Vai, apresenta-te a Acabe, porque darei chuva sobre a terra.

[2] Partiu, pois, Elias a apresentar-se a Acabe; e a fome era extrema em Samaria.

a chur ina luí orm agus le mo mhac a chur á mharú a tháinig tú anseo?"

[19]"Tabhair dom do mhac," ar seisean. Thóg sé as a baclainn é, d'iompair chun an tseomra uachtaraigh é, an áit a raibh cónaí air féin, agus d'fhág sé ina luí ar a leaba féin é.

[20]Ghlaoigh sé go hard ar an Tiarna: "A Thiarna, a Dhia liom, an é is toil leat buaireamh a chur ar an mbaintreach atá ag tabhairt aire dom trí bhás a mic?"

[21]Shín sé é féin ar an leanbh trí huaire agus é ag glaoch go hard ar an Tiarna: "A Thiarna, a Dhia liom, impím ort go dtaga an t-anam isteach sa leanbh seo arís."

[22]Thug an Tiarna cluas d'urnaí Éilias agus tháinig an t-anam isteach sa leanbh athuair agus bhí sé beo.

[23]Rug Éilias ar an leanbh agus thug anuas é ón seomra uachtarach agus isteach sa teach agus thug sé dá mháthair é.

[24]"Féach," arsa Éilias, "tá do mhac beo." D'fhreagair an bhean: "Tá a fhios agam anois gur giolla Dé thú agus gur fíor briathar an Tiarna i do bhéal."

1 Ríthe 18

Éilias agus Acháb

[1]Tar éis tamaill fhada tháinig briathar an Tiarna chun Éilias sa tríú bliain: "Imigh leat agus téigh i bhfianaise Acháb; táim ar tí fearthainn a dháileadh ar an tír."

[2]D'imigh Éilias leis le dul i bhfianaise Acháb. De bhrí gur ghoill an gorta go trom ar an tSamáir

3 Acabe chamou a Obadias, o mordomo. (Obadias temia muito ao SENHOR,

4 porque, quando Jezabel exterminava os profetas do SENHOR, Obadias tomou cem profetas, e de cinqüenta em cinqüenta os escondeu numa cova, e os sustentou com pão e água.)

5 Disse Acabe a Obadias: Vai pela terra a todas as fontes de água e a todos os vales; pode ser que achemos erva, para que salvemos a vida aos cavalos e mulos e não percamos todos os animais.

6 Repartiram entre si a terra, para a percorrerem; Acabe foi à parte por um caminho, e Obadias foi sozinho por outro.

7 Estando Obadias já de caminho, eis que Elias se encontrou com ele. Obadias, reconhecendo-o, prostrou-se com o rosto em terra e disse: És tu meu senhor Elias?

8 Respondeu-lhe ele: Sou eu; vai e dize a teu senhor: Eis que aí está Elias.

9 Porém ele disse: Em que pequei, para que entregues teu servo na mão de Acabe, e ele me mate?

10 Tão certo como vive o SENHOR, teu Deus, não houve nação nem reino aonde o meu senhor não mandasse homens à tua procura; e, dizendo eles: Aqui não está; fazia jurar aquele reino e aquela nação que te não haviam achado.

3chuir Acháb fios ar Obaidiá, reachtaire an pháláis, agus fear a raibh an-urraim aige don Tiarna.

4Nuair a bhí Ízeibil ag bású fáithe an Tiarna, rug Obaidiá céad fáidh leis agus chuir i bhfolach iad, leathchéad díobh sa turas, agus bheathaigh sé iad le harán agus le huisce.

5Dúirt Acháb le hObaidiá: "Téanam, ní foláir dúinn an tír a chuardach idir thoibreacha agus ghleannta, le súil go bhfaighimis féar a choimeádfadh ár gcapaill agus ar miúileanna beo, agus nach gcaithfimis cuid dár stoc a mharú."

6Roinneadar an tír eatarthu don chuardach; d'imigh Acháb bóthar amháin leis féin, agus d'imigh Obaidiá bóthar eile leis féin.

7Ar an tslí d'Obaidiá, b'sheo chuige ina choinne Éilias: d'aithin sé é agus chrom chun talún agus dúirt: "Nach tú, a thiarna, Éilias?"

8"Is mé sin," a d'fhreagair sé, "agus imigh leat agus abair le do mháistir: 'Tá Éilias anseo, féach! ' "

9Ach dúirt Obaidiá: "Cén peaca a rinne mé a rá is go gcuirfeá do shearbhónta i láimh Achább le go marófaí mé?

10Dar an Tiarna do Dhia beo, níl aon chine ná ríocht nár chuir mo thiarna tóir ort ann; agus nuair a deiridís: 'Níl sé anseo, ' chuireadh sé an ríocht nó an náisiún faoi mhionn nach raibh tú faighte acu.

[11] Agora, tu dizes: Vai, dize a teu senhor: Eis que aí está Elias.

[12] Poderá ser que, apartando-me eu de ti, o Espírito do SENHOR te leve não sei para onde, e, vindo eu a dar as novas a Acabe, e não te achando ele, me matará; eu, contudo, teu servo, temo ao SENHOR desde a minha mocidade.

[13] Acaso, não disseram a meu senhor o que fiz, quando Jezabel matava os profetas do SENHOR, como escondi cem homens dos profetas do SENHOR, de cinqüenta em cinqüenta, numas covas, e os sustentei com pão e água?

[14] E, agora, tu dizes: Vai, dize a teu senhor: Eis que aí está Elias. Ele me matará.

[15] Disse Elias: Tão certo como vive o SENHOR dos Exércitos, perante cuja face estou, deveras, hoje, me apresentarei a ele.

[16] Então, foi Obadias encontrar-se com Acabe e lho anunciou; e foi Acabe ter com Elias.

[17] Vendo-o, disse-lhe: És tu, ó perturbador de Israel?

[18] Respondeu Elias: Eu não tenho perturbado a Israel, mas tu e a casa de teu pai, porque deixastes os mandamentos do SENHOR e seguistes os baalins.

[19] Agora, pois, manda ajuntar a mim todo o Israel no monte Carmelo, como também os quatrocentos e cinqüenta profetas de

[11]Agus anois deir tú liom: 'Imigh leat agus abair le do mháistir: Tá Éilias anseo! '

[12]A luaithe a imeoidh mise uait, fuadóidh spiorad an Tiarna thú go ball éigin nach eol domsa. Tiocfaidh mise agus déarfaidh mé é le hAcháb agus nuair nach bhféadfaidh sé thú a fháil, cuirfidh sé chun báis mé cé gur thug mise, do shearbhónta, urraim don Tiarna riamh óna óige.

[13]Nár insíodh do mo thiarna céard a rinne mé nuair a bhí Ízeibil ag bású fáithe an Tiarna, conas mar a chuir mé céad duine d'fháithe an Tiarna i bhfolach, leathchéad díobh sa turas, agus a bheathaigh mé iad le harán agus le huisce.

[14]Agus anois deir tú liom: 'Imigh leat agus abair le do mháistir: Tá Éilias anseo! ' Maróidh sé mé!"

[15]D'fhreagair Éilias: "Dar Tiarna beo na Slua, dá ndéanaim seirbhís, seasóidh mé ina fhianaise inniu."

[16]D'imigh Obaidiá ar lorg Acháb agus thug sé an scéala dó, agus d'imigh Acháb ansin in airicis Éilias.

[17]Nuair a chonaic Acháb Éilias, dúirt sé leis: "Ansin duit, a sciúirse Iosrael!"

[18]"Ní mise sciúirse Iosrael, ní mise sin, ach thusa agus teaghlach d'athar, mar thréig sibh (aitheanta) an Tiarna agus lean sibh na Bálaím.

[19]Cuir fios ar Iosrael go léir anois más ea agus cruinnigh i mo thimpeall ar Shliabh Chairmeil iad, agus na ceithre chéad go leith fáidh de chuid Bhál chomh maith

Baal e os quatrocentos profetas do poste-ídolo que comem da mesa de Jezabel.

Elias e os profetas de Baal no monte Carmelo

[20] Então, enviou Acabe mensageiros a todos os filhos de Israel e ajuntou os profetas no monte Carmelo.

[21] Então, Elias se chegou a todo o povo e disse: Até quando coxeareis entre dois pensamentos? Se o SENHOR é Deus, segui-o; se é Baal, segui-o. Porém o povo nada lhe respondeu.

[22] Então, disse Elias ao povo: Só eu fiquei dos profetas do SENHOR, e os profetas de Baal são quatrocentos e cinqüenta homens.

[23] Dêem-se-nos, pois, dois novilhos; escolham eles para si um dos novilhos e, dividindo-o em pedaços, o ponham sobre a lenha, porém não lhe metam fogo; eu prepararei o outro novilho, e o porei sobre a lenha, e não lhe meterei fogo.

[24] Então, invocai o nome de vosso deus, e eu invocarei o nome do SENHOR; e há de ser que o deus que responder por fogo esse é que é Deus. E todo o povo respondeu e disse: É boa esta palavra.

[25] Disse Elias aos profetas de Baal: Escolhei para vós outros um dos novilhos, e preparai-o primeiro, porque sois muitos, e invocai o nome de vosso deus; e não lhe metais fogo.

[26] Tomaram o novilho que lhes fora dado, prepararam-no e invocaram o nome de

(agus na ceithre chéad fáidh do chuid Aiséará) a shuíonn chun boird le Ízeibil."

An Tiarna nó Bál

[20]Chuir Acháb tionól ar chlann Iosrael uile agus bhailigh sé na fáithe le chéile ar Shliabh Chairmeil.

[21]Shiúil Éilias amach os comhair an phobail go léir agus dúirt: "Cá fhad atá sé ar intinn agaibh a bheith ag bacadhradh, seal ar leathchois amháin, agus seal ar an gceann eile? Más é an Tiarna is Dia ann, leanaigí é, más é Bál, leanaigí eisean." Ní raibh focal as an bpobal.

[22]Ansin dúirt Éilias leo: "Mise agus mise amháin a fágadh mar fháidh de chuid an Tiarna, ach tá ceithre chéad go leith fáidh de chuid Bhál ann.

[23]Tugtar dhá tharbh chugainn; toghadh siadsan ceann amháin dóibh féin, déanaidís codanna de agus cuiridís ar an gconnadh é ach gan tine ar bith a lasadh faoi. Ullmhóidh mise an tarbh eile agus cuirfidh mé ar an gconnadh é gan tine ar bith a lasadh faoi.

[24]Glaoigí ar ainm bhur ndé agus glaofaidh mise ar ainm an Tiarna; an dia a fhreagróidh le tine, is é is Dia dáiríre ann." D'fhreagair an pobal go léir: "Tá go maith."

[25]Dúirt Éilias ansin le fáithe Bhál: "Toghaigí tarbh agus tosaígí mar is líonmhaire sibhse. Glaoigí ar ainm bhur ndé; ach ná lasaigí tine faoi."

[26]Ghlac siad an tarbh a tugadh dóibh agus d'ullmhaíodar é agus ó mhaidin go meán

Baal, desde a manhã até ao meio-dia, dizendo: Ah! Baal, responde-nos! Porém não havia uma voz que respondesse; e, manquejando, se movimentavam ao redor do altar que tinham feito.

lae bhí siad ag glaoch ar ainm Bhál. “A Bhál,” a ghlaodar, “tabhair freagra orainn!” Ach ní raibh guth ná freagra le cloisteáil agus iad ag damhsa go bacach thart timpeall ar an altóir a bhí déanta acu.

27 Ao meio-dia, Elias zombava deles, dizendo: Clamai em altas vozes, porque ele é deus; pode ser que esteja meditando, ou atendendo a necessidades, ou de viagem, ou a dormir e despertará.

27Tháinig an meán lae agus bhí Éilias ag magadh fúthu: “Glaoigí níos airde,” ar seisean, “mar is dia é; tá sé gafa nó cruógach, nó imithe ar thuras, nó b'fhéidir gur ina chodladh atá sé agus nach mór é a dhúiseacht.”

28 E eles clamavam em altas vozes e se retalhavam com facas e com lancetas, segundo o seu costume, até derramarem sangue.

28Ar an ábhar sin ghlaodar níos airde fós agus shádar iad féin mar ba nós leo le claimhte agus le sleánna nó go raibh an fhuil ina slaoda leo.

29 Passado o meio-dia, profetizaram eles, até que a oferta de manjares se oferecesse; porém não houve voz, nem resposta, nem atenção alguma.

29Chuaigh an meán lae thart agus bhí siad ag radaireacht leo nó gur tháinig tráth ofrála na habhlainne, ach guth ná freagra ná aird ar bith níor tugadh orthu.

30 Então, Elias disse a todo o povo: Chegai-vos a mim. E todo o povo se chegou a ele; Elias restaurou o altar do SENHOR, que estava em ruínas.

30Ansin dúirt Éilias leis an bpobal go léir: “Tagaigí níos cóngaraí dom,” agus dhruid an pobal go léir láimh leis. Dheisigh sé altóir an Tiarna a bhí leagtha ar lár.

31 Tomou doze pedras, segundo o número das tribos dos filhos de Jacó, ao qual viera a palavra do SENHOR, dizendo: Israel será o teu nome.

31Ghlac Éilias dhá chloch déag, ag freagairt d'uimhir na dtreibheanna de chlann mhac Iacóib ar tháinig briathar úd an Tiarna chucu: “Iosrael a ghairfear díbh!”

32 Com aquelas pedras edificou o altar em nome do SENHOR; depois, fez um rego em redor do altar tão grande como para semear duas medidas de sementes.

32agus rinne sé altóir in ainm an Tiarna de na clocha. Timpeall na haltóra thochail sé díog a bhí mór go leor le dhá mhiosúr síl a choinneáil.

[33] Então, armou a lenha, dividiu o novilho em pedaços, pô-lo sobre a lenha

[34] e disse: Enchei de água quatro cântaros e derramai-a sobre o holocausto e sobre a lenha. Disse ainda: Fazei-o segunda vez; e o fizeram. Disse mais: Fazei-o terceira vez; e o fizeram terceira vez.

[35] De maneira que a água corria ao redor do altar; ele encheu também de água o rego.

[36] No devido tempo, para se apresentar a oferta de manjares, aproximou-se o profeta Elias e disse: Ó SENHOR, Deus de Abraão, de Isaque e de Israel, fique, hoje, sabido que tu és Deus em Israel, e que eu sou teu servo e que, segundo a tua palavra, fiz todas estas coisas.

[37] Responde-me, SENHOR, responde-me, para que este povo saiba que tu, SENHOR, és Deus e que a ti fizeste retroceder o coração deles.

[38] Então, caiu fogo do SENHOR, e consumiu o holocausto, e a lenha, e as pedras, e a terra, e ainda lambeu a água que estava no rego.

[39] O que vendo todo o povo, caiu de rosto em terra e disse: O SENHOR é Deus! O SENHOR é Deus!

[40] Disse-lhes Elias: Lançai mão dos profetas de Baal, que nem um deles escape. Lançaram mão deles; e Elias os fez

[33]Ansin chóirigh sé an connadh, rinne codanna den tarbh agus leag ar an gconnadh é.

[34]Ansin dúirt sé: “Líonaigí ceithre phróca d'uisce agus doirtigí ar an íobairt uileloiscthe agus ar an gconnadh é.” Rinne siad amhlaidh. Dúirt sé: “Déanaigí an dara huair é,” agus rinne. Dúirt sé: “Déanaigí an tríú huair é,” agus rinne.

[35]Bhí an t-uisce ag rith timpeall na haltóra agus bhí an díog féin lán d'uisce.

[36]Ag tráth ofrála na habhlainne sheas Éilias fáidh chun tosaigh: “A Thiarna, a Dhia Abrahám, Íosác agus Iosrael,” ar seisean, “tabhair le fios dóibh inniu gur tusa is Dia in Iosrael agus gur mise do shearbhónta, agus go ndéarna mé na rudaí seo uile ar ordú uaitse.

[37]Freagair mé, a Thiarna, freagair mé, ionas go mbeidh a fhios ag an bpobal seo gur tusa, a Thiarna, is Dia agus go bhfuil tú ag iompó a gcroí ar ais chugat!”

[38]Ansin thit tine an Tiarna agus loisc sé an íobairt uileloiscthe agus an connadh agus ligh sí suas an t-uisce sa díog.

[39]Nuair a chonaic an pobal uile é sin, thiteadar ar a n-aghaidh agus ghlaodar: “Is é an Tiarna is Dia ann; is é an Tiarna is Dia ann.”

[40]Dúirt Éilias: “Gabhaigí fáithe Bhál agus ná ligigí d'aon duine díobh éalú.” Ghabhadar iad agus thug Éilias síos go

descer ao ribeiro de Quisom e ali os matou.

Elias ora para que chova

41 Então, disse Elias a Acabe: Sobe, come e bebe, porque já se ouve ruído de abundante chuva.

42 Subiu Acabe a comer e a beber; Elias, porém, subiu ao cimo do Carmelo, e, encurvado para a terra, meteu o rosto entre os joelhos,

43 e disse ao seu moço: Sobe e olha para o lado do mar. Ele subiu, olhou e disse: Não há nada. Então, lhe disse Elias: Volta. E assim por sete vezes.

44 À sétima vez disse: Eis que se levanta do mar uma nuvem pequena como a palma da mão do homem. Então, disse ele: Sobe e dize a Acabe: Aparelha o teu carro e desce, para que a chuva não te detenha.

45 Dentro em pouco, os céus se enegreceram, com nuvens e vento, e caiu grande chuva. Acabe subiu ao carro e foi para Jezreel.

46 A mão do SENHOR veio sobre Elias, o qual cingiu os lombos e correu adiante de Acabe, até à entrada de Jezreel.

1 Reis 19

Elias no monte Horebe

1 Acabe fez saber a Jezabel tudo quanto Elias havia feito e como matara todos os profetas à espada.

Gleann Chíseon iad agus bhásaigh ansiúd iad.

41Dúirt Éilias le hAcháb: “Gabh ar ais agus bí ag ithe agus ag ól, mar cluinim tormán na fearthainne.”

42Nuair a d'imigh Acháb ar ais le bia agus deoch a chaitheamh, chuaigh Éilias suas go barr Chairmeil, d'umhlaigh sé go talamh agus chuir a aghaidh idir a ghlúine.

43“Gabh suas anois,” ar sé lena sheirbhíseach, “agus féach amach i dtreo na farraige.” Chuaigh sé suas agus d'fhéach sé. “Níl rud ar bith ann,” ar seisean. “Gabh ar ais seacht n-uaire,” arsa Éilias.

44An seachtú huair dúirt an seirbhíseach: “Tá scamall ann anois, chomh beag le láimh duine, ag éirí as an bhfarraige.” Dúirt Éilias: “Imigh suas agus abair le hAcháb: ‘Ullmhaigh an carbad agus téigh síos, sula gcuire an fhearthainn cúl ort.’ ”

45Agus leis sin d'éirigh an spéir dorcha le scamaill agus le síon agus tháinig batharnach bháistí. Léim Acháb isteach ina charbad agus thriall sé ar Izréil.

46Bhí lámh an Tiarna ar Éilias; chrap sé a chlóca timpeall air féin agus rith sé roimh Acháb go himeall Izréil.

1 Ríthe 19

Éilias ag Horaeb

1Nuair a d'inis Acháb do Ízeibil a raibh déanta ag Éilias agus conas mar a chuir sé

na fáithe go léir chun báis le faobhar claímh,

2 Então, Jezabel mandou um mensageiro a Elias a dizer-lhe: Façam-me os deuses como lhes aprouver se amanhã a estas horas não fizer eu à tua vida como fizeste a cada um deles.

2chuir Ízeibil teachtaireacht go hÉilias a rá: "Go ndéana na déithe a leithéid seo agus a leithéid siúd sa bhreis liom mura mbíonn an íde chéanna tugtha agam ar d'anamsa agus a tugadh ar anam duine acu um an dtaca seo amárach!"

3 Temendo, pois, Elias, levantou-se, e, para salvar sua vida, se foi, e chegou a Berseba, que pertence a Judá; e ali deixou o seu moço.

3Tháinig scéin air agus d'éirigh sé agus rith lena anam. Tháinig sé go Béar Seaba, a bhaineann le Iúdá, agus d'fhág sé a sheirbhíseach ansiúd.

4 Ele mesmo, porém, se foi ao deserto, caminho de um dia, e veio, e se assentou debaixo de um zimbro; e pediu para si a morte e disse: Basta; toma agora, ó SENHOR, a minha alma, pois não sou melhor do que meus pais.

4Chuaigh sé féin ar aghaidh turas lae isteach san fhásach, agus shuigh faoi thor aitinn agus d'iarr go bhfaigheadh bás. "A Thiarna," ar sé, "tá mo sháith agam. Beir leat m'anam. Ní fearr mé ná mo shinsir."

5 Deitou-se e dormiu debaixo do zimbro; eis que um anjo o tocou e lhe disse: Levanta-te e come.

5Ansin luigh sé síos agus thit a chodladh air faoin tor aitinn. Ach, féach, chorraigh aingeal é agus dúirt: "Éirigh agus ith!"

6 Olhou ele e viu, junto à cabeceira, um pão cozido sobre pedras em brasa e uma botija de água. Comeu, bebeu e tornou a dormir.

6D'amharc sé thart agus siúd ag a cheann toirtín a bruitheadh ar leaca te agus crúiscín uisce. D'ith sé agus d'ól sé agus ansin luigh sé síos arís.

7 Voltou segunda vez o anjo do SENHOR, tocou-o e lhe disse: Levanta-te e come, porque o caminho te será sobremodo longo.

7Tháinig aingeal an Tiarna ar ais chuige an dara huair, chorraigh é agus dúirt: "Éirigh agus ith nó beidh an t-aistear ró-fhada duit."

8 Levantou-se, pois, comeu e bebeu; e, com a força daquela comida, caminhou quarenta dias e quarenta noites até Horebe, o monte de Deus.

8D'éirigh sé mar sin, agus d'ith sé agus d'ól sé, agus neartaigh an bia chomh mór sin é gur shiúil sé daichead lá agus daichead oíche nó gur shroich sé Horaeb, sliabh Dé.

[9] Ali, entrou numa caverna, onde passou a noite; e eis que lhe veio a palavra do SENHOR e lhe disse: Que fazes aqui, Elias?

[10] Ele respondeu: Tenho sido zeloso pelo SENHOR, Deus dos Exércitos, porque os filhos de Israel deixaram a tua aliança, derribaram os teus altares e mataram os teus profetas à espada; e eu fiquei só, e procuram tirar-me a vida.

[11] Disse-lhe Deus: Sai e põe-te neste monte perante o SENHOR. Eis que passava o SENHOR; e um grande e forte vento fendia os montes e despedaçava as penhas diante do SENHOR, porém o SENHOR não estava no vento; depois do vento, um terremoto, mas o SENHOR não estava no terremoto;

[12] depois do terremoto, um fogo, mas o SENHOR não estava no fogo; e, depois do fogo, um cicio tranqüilo e suave.

[13] Ouvindo-o Elias, envolveu o rosto no seu manto e, saindo, pôs-se à entrada da caverna. Eis que lhe veio uma voz e lhe disse: Que fazes aqui, Elias?

[14] Ele respondeu: Tenho sido em extremo zeloso pelo SENHOR, Deus dos Exércitos, porque os filhos de Israel deixaram a tua aliança, derribaram os teus altares e mataram os teus profetas à espada; e eu fiquei só, e procuram tirar-me a vida.

[9]Agus chuaigh sé isteach san uaimh ansiúd agus chaith an oíche ann. Agus tháinig briathar an Tiarna chuige á rá: “Cad tá tú a dhéanamh anseo, a Éilias?”

[10]D'fhreagair sé: “Táim lán de dhíograis agus de dhúthracht do Thiarna na Slua, mar gur thréig clann Iosrael [thú] gur leagadar d'altóirí, agus gur chuireadar d'fháithe chun báis. Níl fágtha ach mise agus tá siad ar thóir m'anama, ar tí mo mharaithe.”

[11]Ansin fuair sé an focal: “Gabh amach agus seas ar an sliabh os comhair an Tiarna.” Chuaigh an Tiarna féin thar bráid ansin. Tháinig gaoth láidir, chomh tréan sin gur réab sí na sléibhte agus go ndearna smionagar de na carraigeacha roimh an Tiarna. Ach ní raibh an Tiarna sa ghaoth. I ndiaidh na gaoithe tháinig crith talún. Ach ní raibh an Tiarna sa chrith talún.

[12]I ndiaidh an chrith talún, tháinig tine. Ach ní raibh an Tiarna sa tine. I ndiaidh na tine, tháinig fuaim chogair bhig.

[13]Nuair a chuala Éilias é sin, chlúdaigh sé a aghaidh lena chlóca; chuaigh sé amach agus sheas sé i mbéal na huaimhe. Tháinig guth chuige á rá: “Cad tá tú a dhéanamh anseo, a Éilias?”

[14]D'fhreagair sé: “Tá mé lán de dhúthracht gan staonadh ar son Tiarna na Slua, mar gur thréig clann Iosrael [thú], gur leagadar d'altóirí, agus gur chuireadar d'fháithe chun báis. Níl fágtha ach mise agus tá siad ar thóir m'anama, ar tí mo mharaithe.”

[15] Disse-lhe o SENHOR: Vai, volta ao teu caminho para o deserto de Damasco e, em chegando lá, unge a Hazael rei sobre a Síria.

[16] A Jeú, filho de Ninsi, ungirás rei sobre Israel e também Eliseu, filho de Safate, de Abel-Meolá, ungirás profeta em teu lugar.

[17] Quem escapar à espada de Hazael, Jeú o matará; quem escapar à espada de Jeú, Eliseu o matará.

[18] Também conservei em Israel sete mil, todos os joelhos que não se dobraram a Baal, e toda boca que o não beijou.

A vocação de Eliseu

[19] Partiu, pois, Elias dali e achou a Eliseu, filho de Safate, que andava lavrando com doze juntas de bois adiante dele; ele estava com a duodécima. Elias passou por ele e lançou o seu manto sobre ele.

[20] Então, deixou este os bois, correu após Elias e disse: Deixa-me beijar a meu pai e a minha mãe e, então, te seguirei. Elias respondeu-lhe: Vai e volta; pois já sabes o que fiz contigo.

[21] Voltou Eliseu de seguir a Elias, tomou a junta de bois, e os imolou, e, com os aparelhos dos bois, cozeu as carnes, e as deu ao povo, e comeram. Então, se dispôs, e seguiu a Elias, e o servia.

[15]Dúirt an Tiarna leis: “Imigh leat agus gabh ar ais an bóthar céanna go fásach na Damaisce. Tar éis teacht duit déan Hazáéil a ungadh ina rí ar Arám;

[16]agus Iéahú mac Nimsí a ungadh ina rí ar Iosrael, agus Eilíseá mac Sheáfát ó Ábael Machólá a ungadh ina fháidh le teacht i do dhiaidh.

[17]Cibé a thiocfaidh slán ó chlaíomh Hazáéil, cuirfidh Iéahú chun báis iad; agus cibé a thiocfaidh slán ó chlaíomh Iéahú cuirfidh Eilíseá chun báis iad.

[18]Ach déanfaidh mé anacal anama ar sheacht míle in Iosrael, gach glúin nár feacadh do Bhál, gach béal nár phog é.”

Glao Eilíseá

[19]D'imigh sé ón áit sin agus tháinig ar Eilíseá mac Sheáfát agus é ag treabhadh; bhí dhá dhamh déag sa chuingir aige agus é féin leis an dara ceann déag. Chuaigh Éilias thart i ndeas dó agus chaith a chlóca anuas air.

[20]D'fhág sé an chuingir agus rith sé ar thóir Éilias. “Lig dom m'athair agus mo mháthair a phógadh,” ar sé; “agus ansin leanfaidh mé thú.” D'fhreagair Éilias: “Gabh ar ais; óir an ndearna mé rud ar bith duit?”

[21]Thiontaigh Eilíseá i leataobh óna lorg, ghlac sé an chuingir agus mharaigh iad, agus leis na cuingeacha mar ábhar tine, bhruith sé feoil na ndamh; ansin thug sé do na fir í agus d'itheadar. D'éirigh sé ansin agus lean Éilias agus bhí ina shearbhónta aige.

1 Reis 20

Acabe derrota os siros

[1] Ben-Hadade, rei da Síria, ajuntou todo o seu exército; havia com ele trinta e dois reis, e cavalos, e carros. Subiu, cercou a Samaria e pelejou contra ela.

[2] Enviou mensageiros à cidade, a Acabe, rei de Israel,

[3] que lhe disseram: Assim diz Ben-Hadade: A tua prata e o teu ouro são meus; tuas mulheres e os melhores de teus filhos são meus.

[4] Respondeu o rei de Israel e disse: Seja conforme a tua palavra, ó rei, meu senhor; eu sou teu, e tudo o que tenho.

[5] Tornaram a vir os mensageiros e disseram: Assim diz Ben-Hadade: Enviei-te, na verdade, mensageiros que dissessem: Tens de entregar-me a tua prata, o teu ouro, as tuas mulheres e os teus filhos.

[6] Todavia, amanhã a estas horas enviar-te-ei os meus servos, que esquadrinharão a tua casa e as casas dos teus oficiais, meterão as mãos em tudo o que for aprazível aos teus olhos e o levarão.

[7] Então, o rei de Israel chamou todos os anciãos da sua terra e lhes disse: Notai e vede como este homem procura o mal; pois me mandou exigir minhas mulheres, meus filhos, minha prata e meu ouro, e não lho neguei.

1 Ríthe 20

An tSamáir faoi Léigear

[1]Chruinnigh Bein Hadad rí Arám a shluaite go léir le chéile - bhí dhá rí dhéag ar fhichid fairis, agus eachra agus carbaid - agus ghabh sé suas le léigear a chur ar an tSamáir agus í a ghabháil de ruathar.

[2]Chuir sé teachtairí isteach sa chathair go dtí Acháb rí Iosrael, á rá leis: “Mar seo a deir Bein Hadad:

[3]‘Is liomsa do chuid airgid agus óir; is liomsa togha do mhná agus do leanaí.’ ”

[4]D'fhreagair rí Iosrael: “De réir mar a deir tú, a thiarna mo rí, is leatsa mise agus a bhfuil agam.”

[5]D'fhill na teachtairí agus dúradar: “Mar seo a deir Bein Hadad: ‘Seo é an t-ordú a chuir mé chugat: “Tabhair dom do chuid airgid agus óir, do mhná agus do leanaí.”

[6]Bí cinnte de go gcuirfidh mé mo ghiollaí chun do theach agus tithe do shearbhóntaí a chuardach an t-am seo amárach agus go bhfaighidh siad greim ar gach a dtaitneoidh [leo] agus go dtabharfaidh siad leo iad.’ ”

[7]Chuir rí Iosrael tionól ar sheanóirí uile na tíre agus dúirt: “Is léir daoibh anois mar atá an fear seo ag adhaint trioblóide; chuir sé fios ar mo mhná agus ar mo leanaí, ar mo chuid airgid agus óir, agus níor dhiúltaigh mé dó.”

[8] Todos os anciãos e todo o povo lhe disseram: Não lhe dês ouvidos, nem o consintas.

[9] Pelo que disse aos mensageiros de Ben-Hadade: Dizei ao rei, meu senhor: Tudo o que primeiro demandaste do teu servo farei, porém isto, agora, não posso consentir. E se foram os mensageiros e deram esta resposta.

[10] Ben-Hadade tornou a enviar mensageiros, dizendo: Façam-me os deuses como lhes aprouver, se o pó de Samaria bastar para encher as mãos de todo o povo que me segue.

[11] Porém o rei de Israel respondeu e disse: Dizei-lhe: Não se gabe quem se cinge como aquele que vitorioso se descinge.

[12] Tendo Ben-Hadade ouvido esta resposta, quando bebiam ele e os reis nas tendas, disse aos seus servos: Ponde-vos de prontidão. E eles se puseram de prontidão contra a cidade.

[13] Eis que um profeta se chegou a Acabe, rei de Israel, e lhe disse: Assim diz o SENHOR: Viste toda esta grande multidão? Pois, hoje, a entregarei nas tuas mãos, e saberás que eu sou o SENHOR.

[14] Perguntou Acabe: Por quem? Ele respondeu: Assim diz o SENHOR: Pelos moços dos chefes das províncias. E disse:

[8]Agus dúirt na seanóirí agus an pobal ar fad leis: “Ná tabhair aon aird air agus ná déan rud air.”

[9]D'fhreagair sé teachtairí Bein Hadad mar leanas dá bhrí sin: “Abraigí le mo thiarna an rí: ‘Gach ar iarr sibh ar do shearbhónta ar dtús, déanfaidh mé; ach é seo eile, ní féidir dom a dhéanamh.’ ” Agus d'imigh na teachtairí ar ais leis an bhfreagra.

[10]Ansin chuir Bein Hadad an teachtaireacht seo chuige: “Go ndéana na déithe a leithéid seo agus a leithéid siúd liom má bhíonn a dhóthain luaithrigh sa tSamáir le go bhfaigheadh gach duine de mo lucht leanúna lán doirn de.”

[11]Ach sé freagra a thug rí Iosrael air: “Sé deir [an seanfhocal]: ‘Ní don té a chuireann a éide chatha uime is dual maíomh, ach don té a bhaineann de í.’ ”

[12]Nuair a chuala Bein Hadad an teachtaireacht sin agus é ag ól leis na ríthe faoi na scáthláin, dúirt sé lena chuid fear: “Chun bhur láithreacha libh!” agus chuadar chun a láithreacha in aghaidh na cathrach.

[13]Tháinig fáidh ansin ar an bhfód ar lorg Acháb rí Iosrael. “Mar seo a deir an Tiarna,” ar sé: “ ‘An bhfaca tú an t-arm mór seo? Féach, cuirfidh mé faoi do láimh é inniu féin, agus beidh a fhios agat gur mise an Tiarna.’ ”

[14]“Cén cuidiú a bheidh agam?” a d'fhiafraigh Acháb. D'fhreagair an fáidh: “Cuidiú óglaigh uachtaráin na gcúigí, a deir an Tiarna.” “Cé atá le tús a chur leis

Quem começará a peleja? Tu! – respondeu ele.

15 Então, contou os moços dos chefes das províncias, e eram duzentos e trinta e dois; depois, contou todo o povo, todos os filhos de Israel, sete mil.

16 Saíram ao meio-dia. Ben-Hadade, porém, estava bebendo e embriagando-se nas tendas, ele e os reis, os trinta e dois reis que o ajudavam.

17 Saíram primeiro os moços dos chefes das províncias; Ben-Hadade mandou observadores que lhe deram avisos, dizendo: Saíram de Samaria uns homens.

18 Ele disse: Quer venham tratar de paz, tomai-os vivos; quer venham pelejar, tomai-os vivos.

19 Saíram, pois, da cidade os moços dos chefes das províncias e o exército que os seguia.

20 Eles feriram, cada um ao homem que se lhe opunha; os siros fugiram, e Israel os perseguiu; porém Ben-Hadade, rei da Síria, escapou a cavalo, com alguns cavaleiros.

21 Saiu o rei de Israel e destroçou os cavalos e os carros; e feriu os siros com grande estrago.

22 Então, o profeta se chegou ao rei de Israel e lhe disse: Vai, sê forte, considera e vê o que hás de fazer; porque daqui a um ano subirá o rei da Síria contra ti.

an gcath?” a d'fhiafraigh Achább. D'fhreagair sé: “Tusa féin.”

15Ansin thionóil sé óglaigh uachtaráin na gcúigí - bhí dhá chéad tríocha a dó díobh ann. Ina ndiaidhsean thionóil sé muintir Iosrael go léir, seacht míle díobh.

16Ansin um mheán lae rinne siad ruathar amach agus Bein Hadad ag cur meisce óil air féin faoi na scáthláin, é féin agus an dá rí déag ar fhichid a bhí ag cabhrú leis.

17Ghabh óglaigh uachtaráin na gcúigí amach ar dtús. Chuir Bein Hadad [lucht braite] amach agus thugadar scéala dó: “Tá fir tagtha amach ón tSamáir.”

18Dúirt sé: “Más ar thóir síochána a tháinig siad amach, gabhaigí ina mbeatha iad; nó más chun cogaidh a tháinig siad amach, gabhaigí ina mbeatha iad chomh maith.”

19Rinneadar ruathar ón gcathair amach dá bhrí sin, óglaigh uachtaráin na gcúigí agus an t-arm ina ndiaidh,

20agus threascair gach fear a chéile comhraic. Theith Arám agus lean Iosrael iad. D'éalaigh Bein Hadad ar each le marcshlua.

21Ansin ghabh rí Iosrael amach agus ghabh idir eachra agus charbaid agus rinne ár is eirleach ar Arám.

22Ansin chuaigh an fáidh suas go rí Iosrael agus dúirt leis: “Tar, bíodh misneach agat, agus meáigh go maith cad tá le déanamh agat, mar tiocfaidh rí Arám aníos i do choinne arís san earrach.”

[23] Os servos do rei da Síria lhe disseram: Seus deuses são deuses dos montes; por isso, foram mais fortes do que nós; mas pelejemos contra eles em planície, e, por certo, seremos mais fortes do que eles.

[24] Faze, pois, isto: tira os reis, cada um do seu lugar, e substitui-os por capitães,

[25] e forma outro exército igual em número ao que perdeste, com outros tantos cavalos e outros tantos carros, e pelejemos contra eles em planície e, por certo, seremos mais fortes do que eles. Ele deu ouvidos ao que disseram e assim o fez.

[26] Decorrido um ano, Ben-Hadade passou revista aos siros e subiu a Afeca para pelejar contra Israel.

[27] Também aos filhos de Israel se passou revista, foram providos de víveres e marcharam contra eles. Os filhos de Israel acamparam-se defronte deles, como dois pequenos rebanhos de cabras; mas os siros enchiam a terra.

[28] Chegou um homem de Deus, e falou ao rei de Israel, e disse: Assim diz o SENHOR: Porquanto os siros disseram: O SENHOR é deus dos montes e não dos vales, toda esta grande multidão entregarei nas tuas mãos, e assim sabereis que eu sou o SENHOR.

[29] Sete dias estiveram acampados uns defronte dos outros. Ao sétimo dia, travou-se a batalha, e os filhos de Israel, num só dia, feriram dos siros cem mil homens de pé.

[23]Dúirt searbhóntaí rí Arám leis: "Déithe sléibhte a ndéithe; sin é an fáth gur thréine iad ná sinne; cuirimis cath orthu sna hísleáin, agus is cinnte go mbuafaimid orthu.

[24]Ní mór duit déanamh mar seo: na ríthe go léir a chur óna gceannasaíocht agus ceannairí a chur ina n-áit;

[25]agus cruinnigh arm mar é siúd a chaill tú lena chomhlíon d'eachra agus de charbaid. Ansin troidfimid ina gcoinne sna hísleáin agus buafaimid orthu go cinnte." Thug sé cluas dóibh agus rinne de réir a gcomhairle.

Bua ag Afaec

[26]San earrach chruinnigh Bein Hadad na hArámaigh agus ghabh suas go hAfaec chun troid in aghaidh Iosrael.

[27]Bhí clann Iosrael chomh maith cruinnithe agus lón acu agus ghabhadar amach ina gcoinne. Shuigh clann Iosrael a gcampa os a gcomhair agus iad mar a bheadh dhá thréad bheaga gabhar ann, ach an dúiche go léir ar snámh le hArámaigh.

[28]Tháinig giolla Dé i láthair agus dúirt le rí Iosrael: "Mar seo a deir an Tiarna: 'De bhrí go ndúirt Arám gur dia sléibhte é an Tiarna, agus nach dia ísleán, tabharfaidh mé an slua mór seo go léir i do láimh agus beidh a fhios [agat] gur mise an Tiarna.' "

[29]Agus bhíodar suite i gcampa ar aghaidh a chéile ar feadh seacht lá. Ar an seachtú lá fearadh an cath agus rinne clann Iosrael ár ar na hArámaigh, céad míle troitheach san aon lá amháin.

[30] Os restantes fugiram para Afeca e entraram na cidade; e caiu o muro sobre os vinte e sete mil homens que restaram. Ben-Hadade fugiu, veio à cidade e se escondia de câmara em câmara.

[31] Então, lhe disseram os seus servos: Eis que temos ouvido que os reis da casa de Israel são reis clementes; ponhamos, pois, panos de saco sobre os lombos e cordas à roda da cabeça e saiamos ao rei de Israel; pode ser que ele te poupe a vida.

[32] Então, se cingiram com pano de saco pelos lombos, puseram cordas à roda da cabeça, vieram ao rei de Israel e disseram: Diz o teu servo Ben-Hadade: Poupa-me a vida. Disse Acabe: Pois ainda vive? É meu irmão.

[33] Aqueles homens tomaram isto por presságio, valeram-se logo dessa palavra; e disseram: Teu irmão Ben-Hadade! Ele disse: Vinde, trazei-mo. Então, Ben-Hadade saiu a ter com ele, e ele o fez subir ao carro.

[34] Ben-Hadade disse-lhe: As cidades que meu pai tomou a teu pai, eu tas restituirei; monta os teus bazares em Damasco, como meu pai o fez em Samaria. E eu, disse Acabe, com esta aliança, te deixarei livre. Fez com ele aliança e o despediu.

[35] Então, um dos discípulos dos profetas disse ao seu companheiro por ordem do

[30]Theith an chuid eile isteach i gcathair Afaec, ach thit na ballaí anuas ar an bhfiche seacht míle a bhí fágtha. Theith Bein Hadad freisin agus fuair dídean i seomra cúil sa chathair.

[31]“Féach!” arsa a shearbhóntaí leis, “chualamar gur ríthe trócaireacha iad ríthe theaghlach Iosrael. Cuirimis sacéadach faoinar gcoim agus téada ar ár gceann agus téimis amach go rí Iosrael; b'fhéidir go ndéanfadh sé anacal anama ort.”

[32]Chuireadar sacéadach faoina gcoim dá bhrí sin, agus téada ar a gceann agus chuadar amach go rí Iosrael agus dúradar: “Deir do shearbhónta Bein Hadad: ‘Déan anacal anama orm.’ ” “An beo dó fós más ea?” ar sé, “is é mo bhráthair é.”

[33]Bhí na daoine ag tnúth le tuar agus thógadar suas go tapa uaidh é agus dúradar: “Sea, bráthair duit Bein Hadad.” Dúirt Acháb: “Imígí agus tugaigí anseo é.” Ansin tháinig Bein Hadad amach chuige agus chuir Acháb faoi deara dó teacht aníos isteach ina charbad.

[34]Dúirt Bein Hadad: “Tabharfaidh mé ar ais na cathracha a thóg m'athairse ó d'athairse, agus bíodh cead agat margaí a chur suas duit féin sa Damaisc mar a rinne m'athair sa tSamáir.” Dúirt Acháb: “Scaoilfidh mé leat ar na coiníollacha sin,” agus rinne sé conradh leis agus scaoil saor é.

[35]Ar ordú an Tiarna dúirt duine de bhráithreas na bhfáithe le compánach dá

SENHOR: Esmurra-me; mas o homem recusou fazê-lo.

36 Ele lhe disse: Visto que não obedeceste à voz do SENHOR, eis que, em te apartando de mim, um leão te matará. Tendo ele se apartado, um leão o encontrou e o matou.

37 Encontrando o profeta outro homem, lhe disse: Esmurra-me. Ele o esmurrou e o feriu.

38 Então, se foi o profeta e se pôs no caminho do rei, disfarçado com uma venda sobre os olhos.

39 Ao passar o rei, gritou e disse: Teu servo estava no meio da peleja, quando, voltando-se-me um companheiro, me trouxe um homem e me disse: Vigia este homem; se vier a faltar, a tua vida responderá pela vida dele ou pagarás um talento de prata.

40 Estando o teu servo ocupado daqui e dali, ele se foi. Respondeu-lhe o rei de Israel: Esta é a tua sentença; tu mesmo a pronunciaste.

41 Então, ele se apressou e tirou a venda de sobre os seus olhos; e o rei de Israel reconheceu que era um dos profetas.

42 E disse-lhe: Assim diz o SENHOR: Porquanto soltaste da mão o homem que eu havia condenado, a tua vida será em lugar da sua vida, e o teu povo, em lugar do seu povo.

chuid: “Buail mé!” ach dhiúltaigh an fear é a bhualadh.

36Dúirt sé leis ansin: “De bhrí nár ghéill tú d'ordú an Tiarna, a luaithe a fhágfaidh tú mé maróidh leon thú.” A luaithe a d'imigh sé uaidh, bhuail leon leis agus mharaigh sé é.

37D'imigh an fáidh leis agus fuair duine eile agus dúirt leis: “Buail mé,” agus bhuail an fear é agus ghoin agus chréacht é.

38D'imigh an fáidh ansin agus sheas ar an mbóthar ag feitheamh leis an rí, é i mbréagriocht agus cafairrín ar a shúile.

[24] Descansou Jeorão com seus pais e com eles foi sepultado na Cidade de Davi; e Acazias, seu filho, reinou em seu lugar.

[24]Ansin chuaigh Iahórám chun suain lena shinsir agus adhlacadh é lena shinsir i nDúnfort Dháiví. Tháinig a mhac Achaizíá i gcomharbacht air mar rí.

O reinado de Acazias
2 Crônicas 22.1-6

[25] No décimo segundo ano de Jorão, filho de Acabe, rei de Israel, começou a reinar Acazias, filho de Jeorão, rei de Judá.

[25]Sa dara bliain déag de réimeas Iórám mac Acháb rí Iosrael tháinig Achaizíá mac Iahórám i gcoróin ar Iúdá.

[26] Era Acazias de vinte e dois anos de idade quando começou a reinar e reinou um ano em Jerusalém. Sua mãe, filha de Onri, rei de Israel, chamava-se Atalia.

[27] Ele andou no caminho da casa de Acabe e fez o que era mau perante o SENHOR, como a casa de Acabe, porque era genro da casa de Acabe.

[28] Foi com Jorão, filho de Acabe, a Ramote-Gileade, à peleja contra Hazael, rei da Síria; e os siros feriram Jorão.

[29] Então, voltou o rei Jorão para Jezreel, para curar-se das feridas que os siros lhe fizeram em Ramá, quando pelejou contra Hazael, rei da Síria; e desceu Acazias, filho de Jeorão, rei de Judá, para ver a Jorão, filho de Acabe, em Jezreel, porquanto estava doente.

[26]Bhí Achaizíá dhá bhliain agus fiche nuair a tháinig sé i gcoróin, agus bhí sé bliain i réim in Iarúsailéim. Atailiá, iníon Omraí rí Iosrael, ab ainm dá bhean.

[27]Lean seisean chomh maith sampla theaghlach Achább agus rinne an t-olc i bhfianaise an Tiarna, faoi mar a rinne teaghlach Achább, lena raibh sé i gcleamhnas.

[28]Ghabh sé amach le Iórám mac Achább le cogadh a chur ar Hazáéil rí Arám i Rámot Gileád, ach ghoin na hArámaigh Iórám.

[29]D'fhill Iórám rí ar Izréil le téarnamh ó na créachtaí a fuair sé i Rámá agus é ag troid in aghaidh Hazáéil rí Arám. Ghabh Achaizíá mac Iahórám rí Iúdá síos go Izréil ar thuairisc Iórám mac Achább mar go raibh sé breoite.

2 Reis 9

Jeú é ungido rei de Israel

[1] Então, o profeta Eliseu chamou um dos discípulos dos profetas e lhe disse: Cinge os lombos, leva contigo este vaso de azeite e vai-te a Ramote-Gileade;

[2] em lá chegando, vê onde está Jeú, filho de Josafá, filho de Ninsi; entra, e faze-o levantar-se do meio de seus irmãos, e leva-o à câmara interior.

[3] Toma o vaso de azeite, derrama-lho sobre a cabeça e dize: Assim diz o SENHOR: Ungi-te rei sobre Israel. Então, abre a porta, foge e não te detenhas.

2 Ríthe 9

Stair Iéahú: Ungtar É

[1]Ghlaoigh Eilíseá ar dhuine de bhráithreachas na bhfáithe: “Cuir crios faoi do choim,” ar sé, “beir an crúiscín ola seo i do láimh, agus téigh go Rámot Gileád.

[2]Nuair a shroichfidh tú an áit sin, lorg Iéahú mac Iahóiseáfát mac Nimsí. Téigh isteach agus abair leis éirí agus imeacht óna chomrádaithe, agus tabhair isteach i seomra cúil é.

[3]Ansin faigh an crúiscín ola agus doirt ar a cheann é, agus abair: ‘Seo é briathar an Tiarna: Déanaim thú a ungadh i do rí ar

Iosrael.’ Ansin oscail an doras agus teith leat le teann deabhaidh.”

[4] Foi, pois, o moço, o jovem profeta, a Ramote-Gileade.

[4]Chuir an t-ógánach, an fáidh, chun bóthair go Rámot Gileád,

[5] Entrando ele, eis que os capitães do exército estavam assentados; ele disse: Capitão, tenho mensagem que te dizer. Perguntou-lhe Jeú: A qual de todos nós? Respondeu-lhe ele: A ti, capitão!

[5]agus nuair a shroich sé, fuair sé oifigigh shinsearacha an airm ina suí le chéile. “Tá teachtaireacht agam duit, a thaoisigh,” ar sé. “Do cé acu againn go léir?” arsa Iéahú. “Duitse, a thaoisigh,” d'fhreagair sé.

[6] Então, se levantou Jeú e entrou na casa; o jovem derramou-lhe o azeite sobre a cabeça e lhe disse: Assim diz o SENHOR, Deus de Israel: Ungi-te rei sobre o povo do SENHOR, sobre Israel.

[6]D'éirigh sé agus chuaigh sé isteach sa teach. Dhoirt an t-ógánach an ola ar a cheann á rá: “Seo mar a deir an Tiarna Dia Iosrael: ‘Déanaim thú a ungadh i do rí ar phobal an Tiarna, ar Iosrael.

[7] Ferirás a casa de Acabe, teu senhor, para que eu vingue da mão de Jezabel o sangue de meus servos, os profetas, e o sangue de todos os servos do SENHOR.

[7]Déan teaghlach Acháb do mháistir a scrios, agus déanfaidh mé fuil mo shearbhóntaí na fáithe agus searbhóntaí an Tiarna go léir a agairt ar Ízeibil.

[8] Toda a casa de Acabe perecerá; exterminarei de Acabe todos do sexo masculino, quer escravo, quer livre, em Israel.

[8]Scriosfar clann Achab go léir. Déanfaidh mé gach fireannach de shliocht Achab, cibé acu saor nó daor, in Iosrael, a scrios.

[9] Porque farei à casa de Acabe como à casa de Jeroboão, filho de Nebate, e como à casa de Baasa, filho de Aías.

[9]Agus tabharfaidh mé an cor céanna ar shliocht Achab le sliocht Iarobám mac Nabát agus sliocht Bháiseá mac Aichíá.

[10] Os cães devorarão Jezabel no campo de Jezreel; não haverá quem a enterre. Dito isto, abriu a porta e fugiu.

[10]Maidir le Ízeibil, íosfaidh na madraí í i nduiche Izréil; ní dhéanfaidh aon duine í a chur.’ ” Ansin d'oscail sé an doras agus d'éalaigh leis.

[11] Saindo Jeú aos servos de seu senhor, disseram-lhe: Vai tudo bem? Por que veio a ti este louco? Ele lhes respondeu: Bem conheceis esse homem e o seu falar.

[11]Ansin tháinig Iéahú amach go hoifigigh a mháistir. “An bhfuil gach ní ina cheart?” d'fhiafraigh siad de. “Cad a thug an ghealt seo chugat?” “Tá aithne agaibh air siúd agus tá a fhios agaibh cad deir sé,” ar sé.

[12] Mas eles disseram: É mentira; agora, faze-nos sabê-lo, te pedimos. Então, disse Jeú: Assim e assim me falou, a saber: Assim diz o SENHOR: Ungi-te rei sobre Israel.

[13] Então, se apressaram, e, tomando cada um o seu manto, os puseram debaixo dele, sobre os degraus, e tocaram a trombeta, e disseram: Jeú é rei!

Jeú mata a Jorão e a Acazias

[14] Assim, Jeú, filho de Josafá, filho de Ninsi, conspirou contra Jorão. Tinha, porém, Jorão cercado a Ramote-Gileade, ele e todo o Israel, por causa de Hazael, rei da Síria.

[15] Porém o rei Jorão voltou para se curar em Jezreel das feridas que os siros lhe fizeram, quando pelejou contra Hazael, rei da Síria. Disse Jeú: Se é da vossa vontade, ninguém saia furtivamente da cidade, para ir anunciar isto em Jezreel.

[16] Então, Jeú subiu a um carro e foi-se a Jezreel, porque Jorão estava de cama ali. Também Acazias, rei de Judá, descera para ver a Jorão.

[17] Ora, o atalaia estava na torre de Jezreel, e viu a tropa de Jeú, que vinha, e disse: Vejo uma tropa. Então, disse Jorão: Toma um cavaleiro e envia-o ao seu encontro, para que lhe pergunte: Há paz?

[18] Foi-lhe o cavaleiro ao encontro e disse: Assim diz o rei: Há paz? Respondeu Jeú: Que tens tu com a paz? Passa para trás de mim. O atalaia deu aviso, dizendo:

[12]“Scéal thairis,” ar siad. “Téanam agus inis dúinn.” “A leithéid seo, a dúirt sé,” ar sé; “seo mar a deir an Tiarna: ‘Déanaim thú a ungadh i do rí ar Iosrael.’ ”

[13]Ansin ar an toirt thóg gach duine a bhrat agus leathadar faoi ar na leaca loma iad; shéid siad an trumpa agus chuir siad gáir suas: “Sé Iéahú an rí!”

Comhcheilg

[14]Rinne Iéahú mac Iahóiseáfát mac Nimsí comhcheilg in aghaidh Iórám. (Bhí Iórám agus Iosrael go léir um an dtaca sin ag cosaint Rámot Gileád in aghaidh Hazáéil rí Arám;

[15]ach bhí Iórám tar éis filleadh go hIzréil le leigheas a fháil ar na créachtaí a thug na hArámaigh air nuair a bhí sé ag troid le Hazáéil rí Arám.) “Más mar sin a bhraitheann sibh,” arsa Iéahú, “ná héalaíodh aon duine ón gcathair leis an scéal a bhreith go hIzréil.”

[16]Ansin chuaigh Iéahú isteach ina charbad agus d'imigh go hIzréil mar a raibh Iórám ina luí; bhí Achaizíá rí Iúdá tagtha anuas ar thuairisc Iórám.

[17]An fear faire ar an túr in Izréil, chonaic sé díorma Iéahú chuige agus dúirt: “Feicim díorma fear,” ar sé. Thug Iórám ordú: “Cuir eachlach ina gcoinne agus fiafraíodh sé díobh: ‘An síocháin bhur ngnó? ’ ”

[18]Chuaigh eachlach i gcoinne Iéahú dá bhrí sin agus dúirt: “Deir an rí: ‘An síocháin bhur ngnó? ’ ” Agus d'fhreagair Iéahú: “Nach cuma duitse faoi shíocháin?

Chegou a eles o mensageiro, porém não volta.

[19] Então, enviou Jorão outro cavaleiro; chegando este a eles, disse: Assim diz o rei: Há paz? Respondeu Jeú: Que tens tu com a paz? Passa para trás de mim.

[20] O atalaia deu aviso, dizendo: Também este chegou a eles, porém não volta; e o guiar do carro parece como o de Jeú, filho de Ninsi, porque guia furiosamente.

[21] Disse Jorão: Aparelha o carro. E lhe aparelharam o carro. Saiu Jorão, rei de Israel, e Acazias, rei de Judá, cada um em seu carro, e foram ao encontro de Jeú, e o acharam no campo de Nabote, o jezreelita.

[22] Sucedeu que, vendo Jorão a Jeú, perguntou: Há paz, Jeú? Ele respondeu: Que paz, enquanto perduram as prostituições de tua mãe Jezabel e as suas muitas feitiçarias?

[23] Então, Jorão voltou as rédeas, fugiu e disse a Acazias: Há traição, Acazias!

[24] Mas Jeú entesou o seu arco com toda a força e feriu a Jorão entre as espáduas; a flecha saiu-lhe pelo coração, e ele caiu no seu carro.

[25] Então, Jeú disse a Bidcar, seu capitão: Toma-o, lança-o no campo da herdade de Nabote, o jezreelita; pois, lembra-te de que, indo eu e tu, juntos, montados, após

Cas timpeall agus lean mé.” Agus thug an fear faire scéala: “Shroich an teachtaire iad ach níl sé ag filleadh ar ais.”

[19]Ansin sheol sé eachlach eile agus tháinig chucu agus dúirt: “Deir an rí: ‘An síocháin bhur ngno? ’ ” Agus d'fhreagair Iéahú: “Nach cuma duitse faoi shíocháin? Cas timpeall agus lean mé.”

[20]Agus thug an fear faire scéala arís: “Shroich sé iad, ach níl sé ag filleadh. Agus tá an tiomáint ar aon dul le tiomáint Iéahú mac Nimsí mar go dtiomáineann sé mar fhear buile.”

[21]“Gabhaigí mo charbad,” arsa Iórám, agus gabhadh a charbad dó. Ansin chuaigh Iórám rí Iosrael agus Achaizíá rí Iúdá amach i gcoinne Iéahú, gach duine díobh ina charbad. Bhuaileadar leis i ngort Nábót an tIzréileach.

[22]Nuair a chonaic Iórám Iéahú d'fhiafraigh sé de: “An síocháin bhur ngnó, a Iéahú?” D'fhreagair sé: “Cén tsíocháin a d'fhéadfadh a bheith i gceist agus a bhfuil de striapachas agus phisreoga gan áireamh ar siúl ag do mháthair Ízeibil.”

[23]Ansin d'iompaigh Iórám timpeall agus theith sé á rá: “Feall, a Achaizíá!”

[24]Ach tharraing Iéahú a bhogha le lán a nirt agus d'aimsigh Iórám idir an dá shlinneán; chuaigh an tsaighead trí chroí an rí, agus thit sé ar lár ina charbad.

[25]Dúirt Iéahú le Bidcear a chaptaen: “Tóg é agus caith isteach i ngort Nábót an tIzréileach é. Cuimhnigh nuair a bhí tú féin agus mise ag marcaíocht le chéile ar

Acabe, seu pai, o SENHOR pronunciou contra ele esta sentença:

26 Tão certo como vi ontem à tarde o sangue de Nabote e o sangue de seus filhos, diz o SENHOR, assim to retribuirei neste campo, diz o SENHOR. Agora, pois, toma-o e lança-o neste campo, segundo a palavra do SENHOR.

27 À vista disto, Acazias, rei de Judá, fugiu pelo caminho de Bete-Hagã; porém Jeú o perseguiu e disse: Feri também a este; e o feriram no carro, à subida de Gur, que está junto a Ibleão. E fugiu para Megido, onde morreu.

28 Levaram-no os seus servos, num carro, a Jerusalém e o enterraram na sua sepultura junto a seus pais, na Cidade de Davi.

29 No ano undécimo de Jorão, filho de Acabe, começara Acazias a reinar sobre Judá.

A morte de Jezabel

30 Tendo Jeú chegado a Jezreel, Jezabel o soube; então, se pintou em volta dos olhos, enfeitou a cabeça e olhou pela janela.

31 Ao entrar Jeú pelo portão do palácio, disse ela: Teve paz Zinri, que matou a seu senhor?

32 Levantou ele o rosto para a janela e disse: Quem é comigo? Quem? E dois ou três eunucos olharam para ele.

33 Então, disse ele: Lançai-a daí abaixo. Lançaram-na abaixo; e foram salpicados

chúl Achát, a athair, gur fhógair an Tiarna an bhreith seo air:

26‘Seo mo mhionn: Chonaic mé fuil Nábót agus fuil a chlann mhac inné - sé an Tiarna atá ag caint - déanfaidh mé é a chúiteamh leatsa sa ghort céanna.’ Tóg suas é mar sin agus caith isteach i ngort Nábót é de réir bhriathar an Tiarna.”

27Nuair a chonaic Achaizíá rí Iúdá a raibh ar siúl, theith sé leis i dtreo Bhéit Hagán, ach chuaigh Iéahú ar a thóir agus dúirt: “Treascair eisean chomh maith.” [Ghoineadar é] ina charbad ag ardán Ghúr atá i gcóngar Ibleám agus theith sé go Migideo mar a bhfuair sé bás.

28Thug a shearbhóntaí i gcarbad é go Iarúsailéim agus chuireadar ina thuama lena shinsir é i nDúnfort Dháiví.

29San aonú bliain déag de réimeas Iórám mac Achát a tháinig Achaizíá i gcoróin ar Iúdá.

Bás Ízeibil

30Nuair a tháinig Iéahú go Izréil, chuala Ízeibil faoi, agus mhaisigh sí a súile, agus chóirigh a ceann agus bhí ag féachaint amach an fhuinneog.

31Ag teacht an geata isteach do Iéahú dúirt sí: “An síocháin do ghnó, a Zimrí, a fhir mharaithe do mháistir?”

32D'fhéach Iéahú in airde i dtreo na fuinneoige, agus dúirt: “Cé tá liom? Cé tá?” agus d'fhéach dhá choillteán nó trí anuas air.

33“Caith anuas í,” ar sé. Agus chaitheadar anuas í agus scaip a fuil ar na ballaí agus

com o seu sangue a parede e os cavalos, e Jeú a atropelou.

[34] Entrando ele e havendo comido e bebido, disse: Olhai por aquela maldita e sepultai-a, porque é filha de rei.

[35] Foram para a sepultar; porém não acharam dela senão a caveira, os pés e as palmas das mãos.

[36] Então, voltaram e lho fizeram saber. Ele disse: Esta é a palavra do SENHOR, que falou por intermédio de Elias, o tesbita, seu servo, dizendo: No campo de Jezreel, os cães comerão a carne de Jezabel.

[37] O cadáver de Jezabel será como esterco sobre o campo da herdade de Jezreel, de maneira que já não dirão: Esta é Jezabel.

ar na capaill, agus shatail siad faoina gcrúba í.

[34]Ghabh sé isteach ansin agus chaith bia agus deoch agus dúirt: “Féachaigí chun na mná mallachta sin anois agus déanaigí í a adhlacadh mar is iníon rí í.”

[35]Ach nuair a chuadar á hadhlacadh, ní bhfuaireadar ach a cloigeann, a cosa agus a dearnana.

[36]Thángadar ar ais dá bhrí sin leis an scéala sin go Iéahú, agus dúirt sé: “Sin é briathar an Tiarna, an briathar a labhair sé ó bhéal Éilias an Tisbíoch: ‘Íosfaidh na madraí feoil Ízeibil i gcríocha Izréil.

[37]Beidh conablach Ízeibil mar aoileach ar an ithir (i gcríocha Izréil) i dtreo nach bhféadfaidh aon duine a rá: Ba í seo Ízeibil.’ ”

2 Reis 10

Jeú extermina a casa de Acabe

[1] Achando-se em Samaria setenta filhos de Acabe, Jeú escreveu cartas e as enviou a Samaria, aos chefes da cidade, aos anciãos e aos tutores dos filhos de Acabe, dizendo:

[2] Logo, em chegando a vós outros esta carta (pois estão convosco os filhos de vosso senhor, como também os carros, os cavalos, a cidade fortalecida e as armas),

[3] escolhei o melhor e mais capaz dos filhos de vosso senhor, ponde-o sobre o trono de seu pai e pelejai pela casa de vosso senhor.

2 Ríthe 10

Bású Theaghlach Acháb

[1]Bhí deichniúr mac agus trí fichid ag Acháb sa tSamáir, agus scríobh Iéahú litir agus sheol í go dtí an tSamáir, go huachtaráin na cathrach, go dtí na sinsir agus go lucht altrama chlann Acháb, á rá:

[2]“Nuair a gheobhaidh sibh an litir seo, ós rud é go bhfuil clann mhac bhur máistir in bhur dteannta, agus go bhfuil carbaid agus eachra, cathracha daingne agus airm agaibh,

[3]toghaigí an té is fearr agus is cumasaí de chlann mhac bhur máistir, agus cuirigí i ríchathaoir a athar é, agus troidigí ar son ríshliocht bhur máistir.”

[4] Porém eles temeram muitíssimo e disseram: Dois reis não puderam resistir a ele; como, pois, poderemos nós fazê-lo?

[5] Então, o responsável pelo palácio, e o responsável pela cidade, e os anciãos, e os tutores mandaram dizer a Jeú: Teus servos somos e tudo quanto nos ordenares faremos; a ninguém constituiremos rei; faze o que bem te parecer.

[6] Então, lhes escreveu outra carta, dizendo: Se estiverdes do meu lado e quiserdes obedecer-me, tomai as cabeças dos homens, filhos de vosso senhor, e amanhã a estas horas vinde a mim a Jezreel. Ora, os filhos do rei, que eram setenta, estavam com os grandes da cidade, que os criavam.

[7] Chegada a eles a carta, tomaram os filhos do rei, e os mataram, setenta pessoas, e puseram as suas cabeças nuns cestos, e lhas mandaram a Jezreel.

[8] Veio um mensageiro e lhe disse: Trouxeram as cabeças dos filhos do rei. Ele disse: Ponde-as em dois montões à entrada da porta, até pela manhã.

[9] Saindo ele pela manhã, parou e disse a todo o povo: Vós estais sem culpa; eis que eu conspirei contra o meu senhor e o matei; mas quem feriu todos estes?

[4]Bhuail scéin agus scanradh iad. “Féach,” ar siad, “níor fhéad an dá rí an fód a sheasamh ina aghaidh, agus conas a d'fhéadfaimisne, más ea?”

[5]Dá bhrí sin sheol reachtaire an pháláis, agus rialtóir na cathrach, na sinsir agus an lucht altrama scéala go dtí Iéahú: “Searbhóntaí de do chuid sinne; déanfaimid cibé rud a ordóidh tú dúinn; ní dhéanfaimid rí d'aon duine; déan mar is áil leat.”

[6]Scríobh sé litir eile chucu á rá: “Má tá sibh liom, agus má tá sibh sásta mo réir a dhéanamh, tugaigí libh cinn chlann mhac bhur máistir agus tagaigí chugamsa anseo in Izréil um an dtaca seo amárach.” (Bhí deichniúr mac agus trí fichid leis an rí á n-oiliúint ansiúd ag taoisigh na cathrach.)

[7]Nuair a shroich an litir sin iad, thógadar clann mhac an rí agus chuireadar chun báis iad, an deichniúr agus trí fichid go léir, agus chuireadar a gcinn i gciseáin agus sheoladar chuige in Izréil iad.

[8]Tháinig an teachtaire le scéala go Iéahú: “Thugadar leo,” ar sé, “cinn chlann mhac an rí.” “Fág ina dhá gcarn iad,” ar seisean, “ag an mbealach chun an gheata go maidin.”

[9]Ansin, ar maidin, ghabh sé amach, sheas, agus dúirt leis an bpobal go léir: “Tá sibh saor ó chion; rinne mé comhcheilg in aghaidh mo mháistir, ceart go leor, agus mharaigh mé é. Ach cé chuir iad seo go léir chun báis?

[10] Sabei, pois, agora, que, da palavra do SENHOR, pronunciada contra a casa de Acabe, nada cairá em terra, porque o SENHOR fez o que falou por intermédio do seu servo Elias.

[11] Jeú feriu também todos os restantes da casa de Acabe em Jezreel, como também todos os seus grandes, os seus conhecidos e os seus sacerdotes, até que nem um sequer lhe deixou ficar de resto.

[12] Então, se dispôs, partiu e foi a Samaria. E, estando no caminho, em Bete-Equede dos Pastores,

[13] encontrou Jeú parentes de Acazias, rei de Judá, e perguntou: Quem sois vós? Eles responderam: Parentes de Acazias; voltamos de saudar os filhos do rei e os da rainha-mãe.

[14] Então, disse Jeú: Apanhai-os vivos. Eles os apanharam vivos e os mataram junto ao poço de Bete-Equede, quarenta e dois homens; e a nenhum deles deixou de resto.

Jeú encontra a Jonadabe

[15] Tendo partido dali, encontrou a Jonadabe, filho de Recabe, que lhe vinha ao encontro; Jeú saudou-o e lhe perguntou: Tens tu sincero o coração para comigo, como o meu o é para contigo? Respondeu Jonadabe: Tenho. Então, se tens, dá-me a mão. Jonadabe deu-lhe a mão; e Jeú fê-lo subir consigo ao carro

[10]Bíodh a fhios agaibh dá bhrí sin nach rachaidh focal amú dá bhfuil ráite ag an Tiarna in aghaidh shliocht Achább. Tá gach a ndúirt sé trína shearbhónta Éilias déanta ag an Tiarna.”

[11]Ansin mharaigh Iéahú gach ar mhair de shliocht Acháb in Izréil, a mhaithe go léir, a dhlúthchairde agus a shagairt, gan duine díobh a fhágáil ina bheatha.

[12]Chuir sé chun bóthair ansin go dtí an tSamáir. Ar an tslí dó

[13]tharla sé le bráithre Achaizíá rí Iúdá ag Béit Éicid na nAoirí: “Cé hé sibh féin?” a d'fhiafraigh sé. “Sinne bráithre Achaizíá,” ar siad, “agus táimid ar ár mbealach síos ar thuairisc chlann mhac an rí agus chlann mhac na banríona.”

[14]“Gabhaigí ina mbeatha iad,” ar sé. Agus ghabhadar ina mbeatha iad agus chuir sé chun báis iad ag an umar ag Béit Éicid, beirt agus daichead díobh, gan fear inste scéil a fhágáil.

[15]D'fhág sé an áit sin agus bhuail sé le Iahónádáb mac Raecáb a bhí ag teacht ina choinne. Bheannaigh sé dó agus dúirt leis: “An bhfuil do chroíse dílis do mo chroíse faoi mar atá mo chroíse do do chroíse?” “Tá,” d'fhreagair Iahónádáb. “Má tá,” arsa Iéahú, “tabhair dom do lámh.” Thug sé a lámh dó agus thóg Iéahú suas taobh leis é ina charbad.

[16] e lhe disse: Vem comigo e verás o meu zelo para com o SENHOR. E, assim, Jeú o levou no seu carro.

[17] Tendo Jeú chegado a Samaria, feriu todos os que ali ficaram de Acabe, até destruí-los, segundo a palavra que o SENHOR dissera a Elias.

Jeú mata os adoradores de Baal

[18] Ajuntou Jeú a todo o povo e lhe disse: Acabe serviu pouco a Baal; Jeú, porém, muito o servirá.

[19] Pelo que chamai-me, agora, todos os profetas de Baal, todos os seus servidores e todos os seus sacerdotes; não falte nenhum, porque tenho grande sacrifício a oferecer a Baal; todo aquele que faltar não viverá. Porém Jeú fazia isto com astúcia, para destruir os servidores de Baal.

[20] Disse mais Jeú: Consagrai uma assembléia solene a Baal; e a proclamaram.

[21] Também Jeú enviou mensageiros por todo o Israel; vieram todos os adoradores de Baal, e nenhum homem deles ficou que não viesse. Entraram na casa de Baal, que se encheu de uma extremidade à outra.

[22] Então, disse Jeú ao vestiário: Tira as vestimentas para todos os adoradores de Baal. E o fez.

[23] Entrou Jeú com Jonadabe, filho de Recabe, na casa de Baal e disse aos adoradores de Baal: Examinai e vede bem não esteja aqui entre vós algum dos servos do SENHOR, mas somente os adoradores de Baal.

[16]“Tar liom,” ar sé, “agus feic mo dhúthracht ar son an Tiarna,” agus thiomáin sé leis ina charbad é.

[17]Nuair a chuaigh sé isteach sa tSamáir chuir sé chun báis ar fhan beo de shliocht Acháb sa tSamáir; scrios sé iad de réir mar a dúirt an Tiarna le hÉilias a tharlódh.

Bású Mhóidíní Bhál

[18]Ansin chruinnigh Iéahú an pobal go léir agus dúirt: “Rinne Acháb beagán seirbhíse do Bhál, ach déanfaidh Iéahú mórán.

[19]Glaoigí chugam dá bhrí sin ar fháithe Bhál ar a mhóidíní go léir, agus ar a shagairt; ná bíodh aon duine in easnamh mar tá íobairt mhór le hofráil agam do Bhál. Má bhíonn aon duine ar iarraidh, caillfidh sé a anam dá bharr.” Cleas ab ea é seo ag Iéahú le móidíní Bhál a scrios.

[20]Agus dúirt Iéahú: “Cruinnigí tionól naofa do Bhál!” Agus thugadar fógra cruinnithe.

[21]Chuir Iéahú teachtairí ar fud Iosrael agus tháinig lucht adhartha Bhál go léir, agus níor fhan oiread agus duine gan teacht. Isteach leo i dteampall Bhál agus líonadh teampall Bhál ó cheann ceann.

[22]Ansin dúirt Iéahú le coimeádaí na n-éidí: “Tabhair amach na héidí do lucht adhartha Bhál go léir,” agus thug sé amach na héidí dóibh.

[23]Chuaigh Iéahú ansin isteach i dteampall Bhál le Iahónádáb mac Raecáb agus dúirt le lucht adhartha Bhál: “Cuardaigí agus déanaigí deimhin de nach bhfuil aon searbhónta leis an Tiarna anseo in bhur measc, ach lucht adhartha Bhál amháin.”

[24] E, entrando eles a oferecerem sacrifícios e holocaustos, Jeú preparou da parte de fora oitenta homens e disse-lhes: Se escapar algum dos homens que eu entregar em vossas mãos, a vida daquele que o deixar escapar responderá pela vida dele.

[25] Sucedeu que, acabado o oferecimento do holocausto, ordenou Jeú aos da sua guarda e aos capitães: Entrai, feri-os, que nenhum escape. Feriram-nos a fio de espada; e os da guarda e os capitães os lançaram fora, e penetraram no mais interior da casa de Baal,

[26] e tiraram as colunas que estavam na casa de Baal, e as queimaram.

[27] Também quebraram a própria coluna de Baal, e derribaram a casa de Baal, e a transformaram em latrinas até ao dia de hoje.

[28] Assim, Jeú exterminou de Israel a Baal.

[29] Porém não se apartou Jeú de seguir os pecados de Jeroboão, filho de Nebate, que fez pecar a Israel, a saber, dos bezerros de ouro que estavam em Betel e em Dã.

[30] Pelo que disse o SENHOR a Jeú: Porquanto bem executaste o que é reto perante mim e fizeste à casa de Acabe segundo tudo quanto era do meu propósito, teus filhos até à quarta geração se assentarão no trono de Israel.

[31] Mas Jeú não teve cuidado de andar de todo o seu coração na lei do SENHOR,

[24]Ansin ghabh [sé] isteach le hofrálacha agus íobairtí loiscthe a ofráil. Bhí ceithre fichid fear curtha lasmuigh ag Iéahú á rá leo: “An té a ligfidh d'aon duine den mhuintir a thabharfaidh mé in bhur lámha éalú, díolfaidh sé as lena anam.”

[25]A luaithe dá bhrí sin a bhí an íobairt loiscthe ofráilte aige dúirt Iéahú leis an ngarda agus leis na hoifigigh: “Isteach libh agus cuirigí chun báis iad; ná scaoiligí le haon duine.” Agus chuaigh an garda agus na hoifigigh isteach agus chuireadar iad go léir chun báis go dtí gur bhaineadar amach sanctóir theampall Bhál.

[26]Thógadar an [cuaille naofa] as teampall Bhál agus dhódar é.

[27]Scriosadar [altóir] Bhál agus scriosadar teampall Bhál chomh maith, agus rinneadar camraí de agus tá sé amhlaidh go dtí an lá inniu féin.

[28]Sin mar a scrios Iéahú Bál as Iosrael.

[29]Ach níor thug sé cúl leis na peacaí inar sheol Iarobám mac Nabát Iosrael, na laonna óir i mBéitéil agus i nDán.

[30]Dúirt an Tiarna le Iéahú: “Ós rud é go ndearna tú go maith a raibh taitneamhach i mo láthair, agus gur chuir tú i gcrích gach ar bheartaigh mé i mo chroí in aghaidh theaghlach Acháb, beidh do shliocht ina suí i ríchathaoir Iosrael síos go dtí an ceathrú glúin.”

[31]Ach níor lean Iéahú dlí an Tiarna, Dia Iosrael, go dílis ná óna chroí go hiomlán;

Deus de Israel, nem se apartou dos pecados que Jeroboão fez pecar a Israel.

A morte de Jeú

32 Naqueles dias, começou o SENHOR a diminuir os limites de Israel, que foi ferido por Hazael em todas as suas fronteiras,

33 desde o Jordão para o nascente do sol, toda a terra de Gileade, os gaditas, os rubenitas e os manassitas, desde Aroer, que está junto ao vale de Arnom, a saber, Gileade e Basã.

34 Ora, os mais atos de Jeú, e tudo quanto fez, e todo o seu poder, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Israel?

35 Descansou Jeú com seus pais, e o sepultaram em Samaria; e Jeoacaz, seu filho, reinou em seu lugar.

36 Os dias que Jeú reinou sobre Israel em Samaria foram vinte e oito anos.

2 Reis 11

Atalia usurpa o trono de Judá

2 Crônicas 22.10-12

1 Vendo Atalia, mãe de Acazias, que seu filho era morto, levantou-se e destruiu toda a descendência real.

2 Mas Jeoseba, filha do rei Jorão e irmã de Acazias, tomou a Joás, filho de Acazias, e o furtou dentre os filhos do rei, aos quais matavam, e pôs a ele e a sua ama numa câmara interior; e, assim, o esconderam de Atalia, e não foi morto.

3 Jeoseba o teve escondido na Casa do SENHOR seis anos; neste tempo, Atalia reinava sobre a terra.

níor thug sé cul leis na peacaí inar sheol Iarobám mac Nabát Iosrael.

32Um an dtaca sin chrom an Tiarna ar Iosrael a shnoí; fuair Hazáéil an lámh in uachtar orthu ar fud críocha Iosrael go léir

33lastoir den Iordáin; críocha Ghileád go léir, na Gádaigh, na Reúbaenaigh, na Manaisigh, óAroéir atá láimh le Gleann Arnón, Gileád agus Báiseán.

34An chuid eile de stair Iéahú, a imeachtaí go léir, agus a ghaisce, nach bhfuil sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael?

35Ansin chuaigh Iéahú chun suain lena shinsir agus adhlacadh é sa tSamáir; tháinig a mhac Iahóácház i gcomharbacht air.

36Bhí Iéahú ocht mbliana fichead i réim ar Iosrael sa tSamáir.

2 Ríthe 11

Réimeas Atailiá agus a Bás

1Nuair a chuala Atailiá, máthair Achaizíá, go raibh a mac tar éis bháis, mharaigh sí an sliocht ríoga ar fad láithreach.

2Ach Iahóiseaba, iníon an rí Iahórám, deirfiúr Achaizíá, sciob sí léi Ióáis, mac Achaizíá, faoi rún ó lár na mac rí a bhí á marú; chuir sí é féin agus a bhanaltra i bhfolach ó Atailiá sa suanlios, agus níor maraíodh é.

3D'fhan sé sé bliana aici i bhfolach i dTeampall an Tiarna agus Atailiá i gceannas na tíre.

Joás ungido rei de Judá
2 Crônicas 23.1-11

4 No sétimo ano, mandou Joiada chamar os capitães dos cários e da guarda e os fez entrar à sua presença na Casa do SENHOR; fez com eles aliança, e ajuramentou-os na Casa do SENHOR, e lhes mostrou o filho do rei.

4Sa seachtú bliain chuir Iahóideá fios ar cheannfoirt na gCairianach agus na bhfear faire, agus thug sé chuige féin iad i dTeampall an Tiarna. Rinne sé conradh leo agus tar éis dó iad a chur faoi mhionn thaispeáin sé mac an rí dóibh.

5 Então, lhes deu ordem, dizendo: Esta é a obra que haveis de fazer: uma terça parte de vós, que entrais no sábado, fará a guarda da casa do rei;

5Thug sé an t-ordú seo dóibh: "Seo mar atá le déanamh agaibh: téadh trian díbh, an mhuintir a bheidh gan dualgas ar an tsabóid, ar garda ar phálás an rí

6 e outra terça parte estará ao portão Sur; e a outra terça parte, ao portão detrás da guarda; assim, fareis a guarda e defesa desta casa.

6(agus trian eile ag geata Shúr, agus trian ag an ngeata ar chúl na ngardaí, agus téigí ar garda ar phálás an rí),

7 Os dois grupos que saem no sábado, estes todos farão a guarda da Casa do SENHOR, junto ao rei.

7agus téadh an dá thrian eile agaibh a bheidh ar dualgas ar an tsabóid ar garda ar Theampall an Tiarna (le hais an rí),

8 Rodeareis o rei, cada um de armas na mão, e qualquer que pretenda penetrar nas fileiras, seja morto; estareis com o rei quando sair e quando entrar.

8agus seasaidís timpeall an rí agus a airm i láimh gach fir; cuirtear chun báis aon duine a thabharfaidh iarracht ar bhrú tharaibh isteach. Bígí le hais an rí ag gabháil amach agus ag teacht isteach dó."

9 Fizeram, pois, os capitães de cem segundo tudo quanto lhes ordenara o sacerdote Joiada; tomaram cada um os seus homens, tanto os que entravam como os que saíam no sábado, e vieram ao sacerdote Joiada.

9Rinne na ceannfoirt gach ní mar a d'ordaigh Iahóideá an sagart. Rug siad a gcuid fear leo, iad siúd a bhí ag scor den gharda ar an tsabóid agus iad siúd a bhí ag dul ar garda ar an tsabóid, agus tháinig siad chuig Iahóideá an sagart.

10 O sacerdote entregou aos capitães de cem as lanças e os escudos que haviam sido do rei Davi e estavam na Casa do SENHOR.

10Ghléas an sagart na ceannfoirt le gathanna agus le sciatha an rí Dáiví a bhí i dTeampall an Tiarna.

11 Os da guarda se puseram, cada um de armas na mão, desde o lado direito da casa

11Bhí na gardaí ina seasamh, agus arm i láimh gach duine acu, ó choirnéal theas an

real até ao lado esquerdo, e até ao altar, e até ao templo, para rodear o rei.

[12] Então, Joiada fez sair o filho do rei, pôs-lhe a coroa e lhe deu o Livro do Testemunho; eles o constituíram rei, e o ungiram, e bateram palmas, e gritaram: Viva o rei!

A morte de Atalia
2 Crônicas 23.12-15

[13] Ouvindo Atalia o clamor dos da guarda e do povo, veio para onde este se achava na Casa do SENHOR.

[14] Olhou, e eis que o rei estava junto à coluna, segundo o costume, e os capitães e os tocadores de trombetas, junto ao rei, e todo o povo da terra se alegrava, e se tocavam trombetas. Então, Atalia rasgou os seus vestidos e clamou: Traição! Traição!

[15] Porém o sacerdote Joiada deu ordem aos capitães que comandavam as tropas e disse-lhes: Fazei-a sair por entre as fileiras; se alguém a seguir, matai-o à espada. Porque o sacerdote tinha dito: Não a matem na Casa do SENHOR.

[16] Lançaram mão dela; e ela, pelo caminho da entrada dos cavalos, foi à casa do rei, onde a mataram.

A aliança de Joiada
2 Crônicas 23.16-21

[17] Joiada fez aliança entre o SENHOR, e o rei, e o povo, para serem eles o povo do SENHOR; como também entre o rei e o povo.

[18] Então, todo o povo da terra entrou na casa de Baal, e a derribaram;

Teampaill go dtí an coirnéal thuaidh, thart timpeall ar an altóir agus ar an Teampall.

[12]Thug Iahóideá mac an rí amach ansin, chuir sé an choróin agus [na muincí] air, agus d'ung ina rí é. Ansin bhuail siad a mbosa agus chuir gáir suas: “Go maire an rí!”

[13]Nuair a chuala Atailiá gártha (an gharda agus) an phobail, tharraing sí ar an Teampall, áit a raibh na daoine.

[14]Nuair a chonaic sí an rí ina sheasamh ansin [ar an ardán], mar ba nós, agus na ceannfoirt agus na trumpadóirí i dteannta an rí agus pobal na tuaithe go léir ag déanamh gairdis agus ag séideadh stoc, stróic Atailiá a cuid éadaigh agus bhéic sí: “Feall! Feall!”

[15]Ansin d'ordaigh Iahóideá an sagart do na hoifigigh airm: “Beirigí libh í taobh amuigh den áit naofa agus cuirigí chun báis leis an gclaíomh duine ar bith a leanfaidh í.” “Óir ní foláir,” a mheabhraigh an sagart dóibh, “gan í chur chun báis i dTeampall an Tiarna.”

[16]Rug siad uirthi agus ar shroicheadh an pháláis di, trí Gheata na gCapall, is ann a cuireadh chun báis í.

[17]Rinne Iahóideá conradh idir an Tiarna agus an rí agus an pobal, go mbeadh siad ina bpobal ag an Tiarna; idir an rí agus an pobal mar an gcéanna.

[18]Ansin chuaigh muintir na tuaithe go léir go teampall Bhál agus scrios siad é; rinne

despedaçaram os seus altares e as suas imagens e a Matã, sacerdote de Baal, mataram perante os altares; então, o sacerdote pôs guardas sobre a Casa do SENHOR.

[19] Tomou os capitães dos cários, os da guarda e todo o povo da terra, e todos estes conduziram da Casa do SENHOR o rei e, pelo caminho da porta dos da guarda, vieram à casa real; e Joás sentou-se no trono dos reis.

[20] Alegrou-se todo o povo da terra, e a cidade ficou tranqüila, depois que mataram Atalia à espada, junto à casa do rei.

[21] Era Joás da idade de sete anos quando o fizeram rei.

2 Reis 12

O reinado de Joás
2 Crônicas 24.1-14

[1] No ano sétimo de Jeú, começou Joás a reinar e quarenta anos reinou em Jerusalém. Era o nome de sua mãe Zíbia, de Berseba.

[2] Fez Joás o que era reto perante o SENHOR, todos os dias em que o sacerdote Joiada o dirigia.

[3] Tão-somente os altos não se tiraram; e o povo ainda sacrificava e queimava incenso nos altos.

[4] Disse Joás aos sacerdotes: Todo o dinheiro das coisas santas que se trouxer à Casa do SENHOR, a saber, a taxa pessoal,

siad smionagar dá altóirí agus dá íomhánna, agus mharaigh siad Matán, sagart Bhál, os comhair na n-altóirí. Agus chuir an sagart fir faire ar garda ar Theampall an Tiarna.

[19]Thug sé leis na ceannfoirt, na Cairianaigh, na fir faire agus muintir na tuaithe go léir, agus rugadar an rí leo óTheampall an Tiarna trí gheata na ngardaí isteach i bpálás an rí, agus shuigh sé i gcathaoir na ríthe.

[20]Bhí lúcháir mhór ar mhuintir na tuaithe go léir. D'fhan an chathair ciúin, agus chuir siad Atailiá chun báis i bpálás an rí.

2 Ríthe 12

Réimeas Ióáis

[1] Bhí Ióáis seacht mbliana d'aois nuair a tháinig sé i gcoróin.

[2] Rinneadh rí de Ióáis sa seachtú bliain de réimeas Iéahú, agus bhí sé daichead bliain i réim in Iarúsailéim. Zibiá ó Bhéar Seaba ab ainm dá mháthair.

[3] Rinne Ióáis an ceart i bhfianaise an Tiarna gach lá dá shaol mar go raibh Iahóideá an sagart á theagasc.

[4] Níor scriosadh na hardionaid, áfach; lean na daoine orthu ag íobairt agus ag ofráil túise ar na hardionaid.

[5] Dúirt Ióáis leis na sagairt: “An t-airgead go léir as na dleachta naofa a thugtar go Teampall an Tiarna, an t-airgead as na

o resgate de pessoas segundo a sua avaliação e todo o dinheiro que cada um trouxer voluntariamente para a Casa do SENHOR,

[5] recebam-no os sacerdotes, cada um dos seus conhecidos; e eles reparem os estragos da casa onde quer que se encontrem.

[6] Sucedeu, porém, que, no ano vigésimo terceiro do rei Joás, os sacerdotes ainda não tinham reparado os estragos da casa.

[7] Então, o rei Joás chamou o sacerdote Joiada e os mais sacerdotes e lhes disse: Por que não reparais os estragos da casa? Agora, pois, não recebais mais dinheiro de vossos conhecidos, mas entregai-o para a reparação dos estragos da casa.

[8] Consentiram os sacerdotes, assim, em não receberem mais dinheiro do povo, como em não repararem os estragos da casa.

[9] Porém o sacerdote Joiada tomou uma caixa, e lhe fez na tampa um buraco, e a pôs ao pé do altar, à mão direita dos que entravam na Casa do SENHOR; os sacerdotes que guardavam a entrada da porta depositavam ali todo o dinheiro que se trazia à Casa do SENHOR.

[10] Quando viam que já havia muito dinheiro na caixa, o escrivão do rei subia com um sumo sacerdote, e contavam e ensacavam o dinheiro que se achava na Casa do SENHOR.

[11] O dinheiro, depois de pesado, davam nas mãos dos que dirigiam a obra e tinham

cánacha pearsanta (an t-airgead ó na daoine de réir mar áiríonn sé iad), agus an t-airgead a thugtar le deabhóid chroí isteach i dTeampall an Tiarna -

[6] glacadh na sagairt leis, ó gach duine dá lucht aitheantais, agus déanaidís an Teampall a dheisiú de réir mar a fheicfear a bheidh sin riachtanach."

[7] Ach faoin tríú bliain fichead de réimeas Ióáis rí, ní raibh aon deisiú déanta ag na sagairt ar an Teampall.

[8]Uime sin chuir Ióáis fios ar Iahóideá agus ar na sagairt eile. "Cén fáth nach bhfuil an Teampall á dheisiú agaibh?" d'fhiafraigh sé. "Ná tógaigí a thuilleadh airgid dá bhrí sin ó bhur lucht aitheantais ach é a thabhairt suas ar son deisiú an Teampaill."

[9] D'aontaigh na sagairt dá bhrí sin gan a thuilleadh airgid a thógáil ó na daoine, agus nach iad a thuilleadh a chaithfeadh an Teampall a dheisiú.

[10] Ansin fuair Iahóideá an sagart cófra, chuir poll ina chlab agus chuir é le taobh [án cholúin] ar dheis ar an tslí isteach i dTeampall an Tiarna; chuireadh na sagairt a bhí i bhfeighil an dorais an t-airgead go léir a thugtaí go dtí Teampall an Tiarna isteach ann.

[11] Nuair a d'fheicidís go raibh a lán airgid sa chófra, thagadh rúnaí an rí agus an t-ardsagart agus dhéanaidís an t-airgead i dTeampall an Tiarna a leá agus a thomhas.

[12]Nuair a bhíodh sé tomhaiste thugaidís an t-airgead do na saoistí a bhí i bhfeighil

a seu cargo a Casa do SENHOR; estes pagavam aos carpinteiros e aos edificadores que reparavam a Casa do SENHOR,

[12] como também aos pedreiros e aos cabouqueiros, e compravam madeira e pedras lavradas para repararem os estragos da Casa do SENHOR, e custeavam todo o necessário para a conservação da Casa do SENHOR.

[13] Mas, do dinheiro que se trazia à Casa do SENHOR, não se faziam nem taças de prata, nem espevitadeiras, nem bacias, nem trombetas, nem vaso algum de ouro ou de prata para a Casa do SENHOR.

[14] Porque o davam aos que dirigiam a obra e reparavam com ele a Casa do SENHOR.

[15] Também não pediam contas aos homens em cujas mãos entregavam aquele dinheiro, para o dar aos que faziam a obra, porque procediam com fidelidade.

[16] Mas o dinheiro de oferta pela culpa e o dinheiro de oferta pelos pecados não se traziam à Casa do SENHOR; eram para os sacerdotes.

[17] Então, subiu Hazael, rei da Síria, e pelejou contra Gate, e a tomou; depois, Hazael resolveu marchar contra Jerusalém.

[18] Porém Joás, rei de Judá, tomou todas as coisas santas que Josafá, Jeorão e Acazias, seus pais, reis de Judá, haviam dedicado, como também todo o ouro que se achava nos tesouros da Casa do SENHOR e na casa

obair Theampall an Tiarna, agus chaithidís é ar na siúinéirí agus ar na tógálaithe a bhíodh ag obair ar Theampall an Tiarna,

[13] ar na saoir agus ar na gearrthóirí cloch; chaithidís chomh maith é ag ceannach adhmaid agus cloch gearrtha chun Teampall an Tiarna a dheisiú, agus ag díol as costais deisiú an Teampaill go léir.

[14] Ní dhearnadh báisíní airgid, ná smóladáin, ná miasa, ná trumpaí, ná soithí óir ná airgid, as an airgead a toirbhríodh do Theampall an Tiarna,

[15] mar tugadh é go léir do na fir oibre agus bhaineadarsan feidhm as ag deisiú Teampall an Tiarna.

[16] Níor éilíodh cuntas ón muintir dár tugadh an t-airgead le caitheamh ar na fir oibre mar go rabhadar ionraic i mbun a ngnó.

[17] An t-airgead a ofráladh mar éiric ar choir, nó mar chúiteamh i bpeaca, níor tugadh é do Theampall an Tiarna; leis na sagairt ab ea é sin.

[18] Um an dtaca sin chuaigh Hazáéil rí Arám suas agus throid sé in aghaidh Ghat agus ghabh é agus ansin chrom sé ar ullmhú d'ionsaí ar Iarúsailéim.

[19] Thóg Ióáis rí Iúdá na tabhartais naofa go léir a thíolaic a shinsir Iahóiseáfát agus Iahórám, agus Achaizíá, ríthe Iúdá, agus iad siúd a thíolaic sé féin, agus a bhfuarthas d'ór i gcistí Theampall an

do rei e os mandou a Hazael, rei da Síria; e este se retirou de Jerusalém.

[19] Quanto aos mais atos de Joás e a tudo o que fez, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Judá?

A conspiração contra o rei Joás
2 Crônicas 24.25-27

[20] Levantaram-se os seus servos, conspiraram e feriram Joás na casa de Milo, que está na descida para Sila.

[21] Porque Jozacar, filho de Simeate, e Jozabade, filho de Somer, seus servos, o feriram, e morreu; e o sepultaram com seus pais na Cidade de Davi. E Amazias, seu filho, reinou em seu lugar.

Tiarna, agus phálás an rí, agus sheol iadsan go Hazáéil rí Arám. D'imigh seisean leis ansin ó Iarúsailéim.

[20] An chuid eile de stair Ióáis, a imeachtaí go léir, nach bhfuil sé sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iúdá?

[21] Rinne a oifigigh ceannairc agus comhcheilg agus mharaigh siad Ióáis i dteach Mhileo, ar an mbealach síos go Sileá.

[22] Ba iad a shearbhóntaí Iózácár mac Shimeát agus Iahózábat mac Shiomaer a threascair agus a mharaigh é. Rinneadar é a adhlacadh i nDúnfort Dháiví lena shinsir agus tháinig a mhac Amaiziá i gcomharbacht air.

2 Reis 13

O reinado de Jeoacaz

[1] No vigésimo terceiro ano de Joás, filho de Acazias, rei de Judá, começou a reinar Jeoacaz, filho de Jeú, sobre Israel, em Samaria, e reinou dezessete anos.

[2] E fez o que era mau perante o SENHOR; porque andou nos pecados de Jeroboão, filho de Nebate, que fez pecar a Israel; não se apartou deles.

[3] Pelo que se acendeu contra Israel a ira do SENHOR, o qual os entregou nas mãos de Hazael, rei da Síria, e nas mãos de Ben-Hadade, filho de Hazael, todos aqueles dias.

[4] Porém Jeoacaz fez súplicas diante do SENHOR, e o SENHOR o ouviu; pois viu a

2 Ríthe 13

Réimeas Iahóácház agus Ióáis

[1]Sa tríú bliain fichead de réimeas Ióáis mac Achaiziá rí Iúdá, tháinig Iahóácház mac Iéahú i réim ar Iosrael sa tSamáir, agus bhí sé seacht mbliana déag i réim.

[2]Rinne sé an t-olc i bhfianaise an Tiarna agus lean sé air leis na peacaí inar threoraigh Iarobám mac Nabát Iosrael, gan éirí astu.

[3]Las fearg an Tiarna in aghaidh Iosrael agus thug sé suas gan sos iad do chumhacht Hazáéil rí Arám agus Bhein Hadad mac Hazáéil.

[4]Ansin ghuigh Iahóácház chun an Tiarna, agus d'éist an Tiarna leis, mar go bhfaca sé

opressão com que o rei da Síria atormentava a Israel.

[5] O SENHOR deu um salvador a Israel, de modo que os filhos de Israel saíram de sob o poder dos siros e habitaram, de novo, em seus lares, como dantes.

[6] Contudo, não se apartaram dos pecados da casa de Jeroboão, que fez pecar a Israel, porém andaram neles; e também o poste-ídolo permaneceu em Samaria.

[7] E foi o caso que não se deixaram a Jeoacaz, do exército, senão cinqüenta cavaleiros, dez carros e dez mil homens de pé; porquanto o rei da Síria os havia destruído e feito como o pó, trilhando-os.

[8] Ora, os mais atos de Jeoacaz, e tudo o que fez, e o seu poder, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Israel?

[9] Jeoacaz descansou com seus pais, e o sepultaram em Samaria; e Jeoás, seu filho, reinou em seu lugar.

O reinado de Jeoás

[10] No trigésimo sétimo ano de Joás, rei de Judá, começou Jeoás, filho de Jeoacaz, a reinar sobre Israel, em Samaria; e reinou dezesseis anos.

[11] Fez o que era mau perante o SENHOR; não se apartou de nenhum dos pecados de Jeroboão, filho de Nebate, que fez pecar a Israel; porém andou neles.

[12] Quanto aos mais atos de Jeoás, e a tudo o que fez, e ao seu poder, com que pelejou contra Amazias, rei de Judá, porventura,

an inghreim a bhí á dhéanamh ag rí Arám ar chlann Iosrael.

[5](Thug an Tiarna fuasclóir dóibh [a d'fhuascail iad] ó lámha na nArámach, agus chónaigh clann Iosrael ina mbothanna mar a rinneadar roimhe sin.

[6]Ach níor éiríodar as na peacaí inar threoraigh Iarobám Iosrael, ach leanadar orthu agus fágadh an cuaille naofa sa tSamáir.)

[7]Níor fágadh ach leathchéad de mharcshlua, deich gcarbad agus deich míle troitheach d'arm ag Iahóácház. Scrios rí Arám iad agus shatail faoi chois iad mar a dhéanfaí le smúit lá an bhuailte.

[8]An chuid eile de stair Iahóácház, a imeachtaí go léir, agus a ghaisce, nach bhfuil sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael?

[9]Ansin chuaigh Iahóácház chun suain lena shinsir agus rinneadar é a adhlacadh sa tSamáir, agus tháinig a mhac Ióáis i gcomharbacht air.

[10]Sa seachtú bliain tríochad de réimeas Ióáis rí Iúdá tháinig Ióáis mac Iahóácház i réim ar Iosrael sa tSamáir, agus bhí sé sé bliana déag i réim.

[11]Rinne sé an t-olc i bhfianaise an Tiarna agus níor staon sé de na peacaí inar threoraigh Iarobám mac Nabát Iosrael, ach lean sé orthu.

[12]An chuid eile de stair Ióáis, a imeachtaí go léir, agus a ghaisce, agus conas mar a chuir sé cogadh ar Amaiziá rí Iúdá, nach

não estão escritos no Livro da História dos Reis de Israel?

[13] Descansou Jeoás com seus pais, e no seu trono se assentou Jeroboão. Jeoás foi sepultado em Samaria, junto aos reis de Israel.

A profecia final e morte de Eliseu

[14] Estando Eliseu padecendo da enfermidade de que havia de morrer, Jeoás, rei de Israel, desceu a visitá-lo, chorou sobre ele e disse: Meu pai, meu pai! Carros de Israel e seus cavaleiros!

[15] Então, lhe disse Eliseu: Toma um arco e flechas; ele tomou um arco e flechas.

[16] Disse ao rei de Israel: Retesa o arco; e ele o fez. Então, Eliseu pôs as mãos sobre as mãos do rei.

[17] E disse: Abre a janela para o oriente; ele a abriu. Disse mais Eliseu: Atira; e ele atirou. Prosseguiu: Flecha da vitória do SENHOR! Flecha da vitória contra os siros! Porque ferirás os siros em Afeca, até os consumir.

[18] Disse ainda: Toma as flechas. Ele as tomou. Então, disse ao rei de Israel: Atira contra a terra; ele a feriu três vezes e cessou.

[19] Então, o homem de Deus se indignou muito contra ele e disse: Cinco ou seis vezes a deverias ter ferido; então, feririas os siros até os consumir; porém, agora, só três vezes ferirás os siros.

bhfuil sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael?

[13]Ansin chuaigh Ióáis chun suain lena shinsir, agus shuigh Iarobám ina ríchathaoir. Adhlacadh Ióáis sa tSamáir le ríthe Iosrael.

Bás Eilíseá agus Bua ar Arám

[14]Nuair a bhuail tinneas a bháis Eilíseá, ghabh Ióáis rí Iosrael síos chuige, agus chrom ar ghol ina láthair á rá: “A athair liom, a athair liom, a charbaid Iosrael lena eachra!”

[15]Dúirt Eilíseá leis: “Faigh bogha agus saigheada,” agus fuair sé bogha agus saigheada.

[16]Ansin dúirt sé leis an rí: “Tarraing an bogha,” agus tharraing. Chuir Eilíseá a lámha thar lámha an rí.

[17]“Oscail an fhuinneog thoir,” ar sé, agus d'oscail sé í. Ansin dúirt Eilíseá: “Scaoil an tsaighead,” agus scaoil. Dúirt sé ansin: “Saighead bua an Tiarna, saighead an bhua ar Arám. Brisfidh tú glan ar Arám ag Afaec.”

[18]Ansin dúirt Eilíseá: “Tóg na saigheada,” agus thóg sé iad. Ansin dúirt sé le rí Iosrael: “Buail an talamh,” agus bhuail sé trí huaire é, agus ansin stad sé.

[19]Tháinig fearg ar an ngiolla Dé leis dá bharrsan. “Bhí sé de cheart agat é a bhualadh cúig nó sé huaire,” ar sé, “agus chloífeá Arám go hiomlán agus chuirfeá deireadh leis; anois ní bhrisfidh tú ar Arám ach trí huaire.”

[20] Morreu Eliseu, e o sepultaram. Ora, bandos dos moabitas costumavam invadir a terra, à entrada do ano.

[21] Sucedeu que, enquanto alguns enterravam um homem, eis que viram um bando; então, lançaram o homem na sepultura de Eliseu; e, logo que o cadáver tocou os ossos de Eliseu, reviveu o homem e se levantou sobre os pés.

[22] Hazael, rei da Síria, oprimiu a Israel todos os dias de Jeoacaz.

[23] Porém o SENHOR teve misericórdia de Israel, e se compadeceu dele, e se tornou para ele, por amor da aliança com Abraão, Isaque e Jacó; e não o quis destruir e não o lançou ainda da sua presença.

[24] Morreu Hazael, rei da Síria; e Ben-Hadade, seu filho, reinou em seu lugar.

[25] Jeoás, filho de Jeoacaz, retomou as cidades das mãos de Ben-Hadade, que este havia tomado das mãos de Jeoacaz, seu pai, na guerra; três vezes Jeoás o feriu e recuperou as cidades de Israel.

2 Reis 14

O reinado de Amazias, de Judá

2 Crônicas 25.1-4

[1] No segundo ano de Jeoás, filho de Jeoacaz, rei de Israel, começou a reinar Amazias, filho de Joás, rei de Judá.

[2] Tinha vinte e cinco anos quando começou a reinar e vinte e nove reinou em Jerusalém. Era o nome de sua mãe Jeoadã, de Jerusalém.

[20]Fuair Eilíseá bás, agus adhlacadh é. Bhíodh díormaí Móábach ag déanamh ionraidh ar an tír gach [bliain].

[21]Tharla go raibh marbh á iompar chun a adhlactha, agus chonacthas díorma díobh siúd, agus caitheadh an marbh isteach i dtuama Eilíseá. A luaithe a bhain an fear marbh le cnámha Eilíseá, tháinig anam ann arís agus sheas sé ar a chosa.

[22]Bhí Hazáéil rí Arám ag déanamh géarleanúna ar Iosrael i gcaitheamh ré Iahóácház ar fad.

[23]Ach bhí an Tiarna cneasta leo agus ghlac trua dóibh, agus d'iompaigh chucu de bharr an chonartha a rinne sé le hAbrahám, le hÍosác, agus le Iacób, agus níorbh áil leis iad a scrios, ná níor dhíbir sé as a láthair iad (fós).

[24]Fuair Hazáéil rí Arám bás, agus tháinig Bein Hadad i gcomharbacht air.

[25]Ansin ghabh Ióáis mac Iahóácház ar ais ó Bhein Hadad mac Hazáéil na cathracha a ghabh seisean óna athair Iahóácház le neart airm. Bhris Ióáis air faoi thrí agus fuair ar ais cathracha Iosrael.

2 Ríthe 14

Réimeas Amaiziá

[1]Sa dara bliain de réimeas Ióáis mac Iahóácház rí Iosrael rinneadh rí ar Iúdá d'Amaiziá mac Ióáis.

[2]Bhí sé cúig bliana fichead d'aois nuair a tháinig sé i gcoróin agus bhí sé naoi mbliana fichead i réim in Iarúsailéim.

Iahóadaín ó Iarúsailéim ab ainm dá mháthair.

[3] Fez ele o que era reto perante o SENHOR, ainda que não como Davi, seu pai; fez, porém, segundo tudo o que fizera Joás, seu pai.

[3]Rinne sé an ceart i bhfianaise an Tiarna, ach níorbh ionann agus a shinsear Dáiví. Rinne sé aithris ar a athair Ióáis i ngach slí.

[4] Tão-somente os altos não se tiraram; o povo ainda sacrificava e queimava incenso nos altos.

[4]Níor scriosadh na hardionaid, áfach, agus bhí an pobal fós ag ofráil íobairtí sna hardionaid.

[5] Uma vez confirmado o reino em sua mão, matou os seus servos que tinham assassinado o rei, seu pai.

[5]Nuair a bhí greim daingean aige ar an ríocht, chuir sé chun báis na hoifigigh úd a mharaigh a athair, an rí.

[6] Porém os filhos dos assassinos não matou, segundo está escrito no Livro da Lei de Moisés, no qual o SENHOR deu ordem, dizendo: Os pais não serão mortos por causa dos filhos, nem os filhos por causa dos pais; cada qual será morto pelo seu próprio pecado.

[6]Níor chuir sé chun báis clann na ndúnmharfóirí, afach, de réir mar atá scríofa i leabhar dhlí Mhaois mar ar ordaigh an Tiarna: “Níl aithreacha le cur chun báis ar son mac, ná mic ar son a n-aithreacha; ní foláir gach duine a chur chun báis ar son a pheaca féin.”

Amazias vence os edomitas

2 Crônicas 25.5-13

[7] Ele feriu dez mil edomitas no vale do Sal e tomou a Sela na guerra; e chamou o seu nome Jocteel, até ao dia de hoje.

[7]Eisean a bhris ar na hEadómaigh i nGleann an tSalainn, deich míle díobh, agus a ghabh an Charraig de ruathar. Thug sé Ioctael mar ainm uirthi agus is é atá uirthi go dtí inniu féin.

Amazias derrotado por Jeoás

2 Crônicas 25.17-2

[8] Então, Amazias enviou mensageiros a Jeoás, filho de Jeoacaz, filho de Jeú, rei de Israel, dizendo: Vem, meçamos armas.

[8]Ansin chuir Amaiziá teachtairí go Ióáis mac Iahóácház mac Iéahú rí Iosrael á rá: “Tar agus bíodh triail againn as a chéile!”

[9] Porém Jeoás, rei de Israel, respondeu a Amazias, rei de Judá: O cardo que está no Líbano mandou dizer ao cedro que lá está: Dá tua filha por mulher a meu filho; mas os animais do campo, que estavam no Líbano, passaram e pisaram o cardo.

[9]Chuir Ióáis rí Iosrael teachtaireacht go hAmaiziá rí Iúdá: “Chuir feochadán na Liobáine teachtaireacht go céadar na Liobáine: ‘Tabhair d'iníon le pósadh do mo mhac, ’ ach rinne ainmhí allta sa Liobáin

[10] Na verdade, feriste os edomitas, e o teu coração se ensoberbeceu; gloria-te disso e fica em casa; por que provocarias o mal para caíres tu, e Judá, contigo?

[11] Mas Amazias não quis atendê-lo. Subiu, então, Jeoás, rei de Israel, e Amazias, rei de Judá, e mediram armas em Bete-Semes, que está em Judá.

[12] Judá foi derrotado diante de Israel, e fugiu cada um para sua casa.

[13] Jeoás, rei de Israel, prendeu Amazias, rei de Judá, filho de Joás, filho de Acazias, em Bete-Semes; e veio a Jerusalém, cujo muro ele rompeu desde a Porta de Efraim até à Porta da Esquina, quatrocentos côvados.

[14] Tomou todo o ouro, e a prata, e todos os utensílios que se acharam na Casa do SENHOR e nos tesouros da casa do rei, como também reféns; e voltou para Samaria.

A morte de Jeoás, rei de Israel

[15] Ora, os mais atos de Jeoás, o que fez, o seu poder e como pelejou contra Amazias, rei de Judá, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Israel?

[16] Descansou Jeoás com seus pais e foi sepultado em Samaria, junto aos reis de Israel; e Jeroboão, seu filho, reinou em seu lugar.

A morte de Amazias, rei de Judá

2 Crônicas 25.25-28

an feochadán a shatailt faoina chosa agus é ag gabháil thar bráid.

[10]Rinne tú Eadóm a chloí agus anois tá éirí in airde ort. Bí ag maíomh as do ghaisce, ach fan sa bhaile. Cad ab áil leat ag cothú tranglaim a dhéanfadh thú féin agus Iúdá a scrios?”

[11]Ach ní éisteodh Amaiziá agus ghluais Ióáis rí Iosrael amach chun catha, agus thug sé féin agus Amaiziá rí Iúdá aghaidh ar a chéile ag Béit Seimis le Iúdá.

[12]Bhris Iosrael ar Iúdá agus theith gach duine abhaile.

[13]Agus ghabh Ióáis rí Iosrael Amaiziá rí Iúdá mac Ióáis mac Achaizíá, ag Béit Seimis, agus [thug sé] leis é go Iarúsailéim; scartáil sé balla na cathrach ó Gheata Eafráim go Geata an Chúinne, ceithre chéad banlámh dá fhad.

[14]Thug sé leis an t-airgead agus an t-ór go léir agus na fearais go léir a bhí le fáil i dTeampall an Tiarna, agus i gcistí phálás an rí, agus gialla chomh maith, agus ansin d'fhill ar an tSamáir.

[15]An chuid eile de stair Ióáis, a imeachtaí go léir, agus a ghaisce, agus conas mar a throid sé le hAmaiziá rí Iúdá, nach bhfuil sé sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael?

[16]Agus chuaigh Ióáis chun suain lena shinsir, agus adhlacadh é sa tSamáir le ríthe Iosrael. Tháinig a mhac Iarobám i gcomharbacht air.

[17] Amazias, filho de Joás, rei de Judá, viveu quinze anos depois da morte de Jeoás, filho de Jeoacaz, rei de Israel.

[18] Ora, os mais atos de Amazias, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Judá?

[19] Conspiraram contra ele em Jerusalém, e ele fugiu para Laquis; porém enviaram após ele homens até Laquis; e o mataram ali.

[20] Trouxeram-no sobre cavalos e o sepultaram em Jerusalém, junto a seus pais, na Cidade de Davi.

[21] Todo o povo de Judá tomou a Uzias, que era de dezesseis anos, e o constituiu rei em lugar de Amazias, seu pai.

[22] Ele edificou a Elate e a restituiu a Judá, depois que o rei descansou com seus pais.

O reinado de Jeroboão II, de Israel

[23] No décimo quinto ano de Amazias, filho de Joás, rei de Judá, começou a reinar em Samaria Jeroboão, filho de Jeoás, rei de Israel; e reinou quarenta e um anos.

[24] Fez o que era mau perante o SENHOR; jamais se apartou de nenhum dos pecados de Jeroboão, filho de Nebate, que fez pecar a Israel.

[25] Restabeleceu ele os limites de Israel, desde a entrada de Hamate até ao mar da Planície, segundo a palavra do SENHOR, Deus de Israel, a qual falara por intermédio de seu servo Jonas, filho de Amitai, o profeta, o qual era de Gate-Hefer.

[17]Mhair Amaiziá mac Ióáis rí Iúdá cúig bliana déag tar éis bháis do Ióáis mac Iahóácház rí Iosrael.

[18]An chuid eile de stair Amaiziá, nach bhfuil sé go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iúdá?

[19]Rinneadh comhcheilg ina aghaidh in Iarúsailéim agus theith sé go Láicís ach chuaigh an tóir ina dhiaidh go Láicís agus cuireadh chun báis ansiúd é.

[20]Iompraíodh ar ais ar chapaill é agus adhlacadh é i nDúnfort Dháiví lena shinsir.

[21]Thogh muintir Iúdá go léir Azairiá, agus gan é ach sé bliana déag d'aois, agus rinneadar rí de i gcomharbacht ar a athair Amaiziá.

[22]Eisean a d'atóg Éalat agus a fuair ar ais do Iúdá é tar éis don rí dul chun suain lena shinsir.

Iarobám II

[23]Sa chúigiú bliain déag de réimeas Amaiziá mac Ióáis rí Iúdá rinneadh rí ar Iosrael sa tSamáir de Iarobám mac Ióáis. Bhí sé bliain agus daichead ina rí.

[24]Rinne sé an t-olc i súile an Tiarna agus níor scar sé le haon pheaca inar threoraigh Iarobám mac Nabát Iosrael.

[25]Eisean a ghnóthaigh ar ais críocha Iosrael ó Bhealach Hamát go Muir an Arabá, de réir bhriathar an Tiarna Dia Iosrael a labhair sé ó bhéal Ióna mac Amaití a shearbhónta, an fáidh ó Ghat Héifir.

[26] Porque viu o SENHOR que a aflição de Israel era mui amarga, porque não havia nem escravo, nem livre, nem quem socorresse a Israel.

[27] Ainda não falara o SENHOR em apagar o nome de Israel de debaixo do céu; porém os livrou por intermédio de Jeroboão, filho de Jeoás.

[28] Quanto aos mais atos de Jeroboão, tudo quanto fez, o seu poder, como pelejou e como reconquistou Damasco e Hamate, pertencentes a Judá, para Israel, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Israel?

[29] Descansou Jeroboão com seus pais, com os reis de Israel; e Zacarias, seu filho, reinou em seu lugar.

2 Reis 15

O reinado de Azarias, de Judá

2 Crônicas 26.1-15

[1] No vigésimo sétimo ano de Jeroboão, rei de Israel, começou a reinar Azarias, filho de Amazias, rei de Judá.

[2] Tinha dezesseis anos quando começou a reinar e cinqüenta e dois anos reinou em Jerusalém. Era o nome de sua mãe Jecolias, de Jerusalém.

[3] Ele fez o que era reto perante o SENHOR, segundo tudo o que fizera Amazias, seu pai.

[4] Tão-somente os altos não se tiraram; o povo ainda sacrificava e queimava incenso nos altos.

Azarias é atacado de lepra

[26]Óir chonaic an Tiarna a ghéire a bhí cruachás Iosrael, gan aon duine daor ná saor le teacht i gcabhair ar Iosrael.

[27]Ach gheall an Tiarna nach scriosfadh sé ainm Iosrael ó chlar na cruinne agus d'fhuascail sé iad le láimh Iarobám mac Ióáis.

[28]An chuid eile de stair Iarobám, a imeachtaí go léir, a ghaisce, na cogaí a d'fhear sé, (conas mar a bhuaigh sé an Damaisc agus Hamát i Iáidí), nach bhfuil sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael?

[29]Ansin chuaigh Iarobám chun suain lena shinsir. Rinneadar é a adhlacadh sa tSamáir le ríthe Iosrael. Tháinig Zacairiá i gcomharbacht air.

2 Ríthe 15

Azairiá rí Iúdá

[1]Sa seachtú bliain déag de réimeas Iarobám rí Iosrael thánig Azairiá mac Amaiziá i gcoróin ar Iúdá.

[2]Bhí sé sé bliana déag d'aois nuair a tháinig sé i gcoróin, agus bhí sé dhá bhliain déag is daichead ina rí in Iarúsailéim. Iacoiliá, ó Iarúsailéim, ab ainm dá mháthair.

[3]Rinne sé an ceart i bhfianaise an Tiarna ar fad, faoi mar a rinne a athair, Amaiziá.

[4]Níor scriosadh na hardionaid, áfach, agus bhí an pobal fós ag ofráil íobairtí agus túise ar na hardionaid.

2 Crônicas 26.16-23

[5] O SENHOR feriu ao rei, e este ficou leproso até ao dia da sua morte e habitava numa casa separada. Jotão, filho do rei, tinha o cargo da casa e governava o povo da terra.

[6] Ora, os mais atos de Azarias e tudo o que fez, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Judá?

[7] Descansou Azarias com seus pais, e o sepultaram junto a seus pais, na Cidade de Davi; e Jotão, seu filho, reinou em seu lugar.

O reinado de Zacarias, de Israel

[8] No trigésimo oitavo ano de Azarias, rei de Judá, reinou Zacarias, filho de Jeroboão, sobre Israel, em Samaria, seis meses.

[9] Fez o que era mau perante o SENHOR, como tinham feito seus pais; não se apartou dos pecados de Jeroboão, filho de Nebate, que fez pecar a Israel.

[10] Salum, filho de Jabes, conspirou contra ele, feriu-o diante do povo, matou-o e reinou em seu lugar.

[11] Quanto aos mais atos de Zacarias, eis que estão escritos no Livro da História dos Reis de Israel.

[12] Esta foi a palavra que o SENHOR falou a Jeú: Teus filhos, até à quarta geração, se assentarão no trono de Israel. E assim sucedeu.

O reinado de Salum, de Israel

[13] Salum, filho de Jabes, começou a reinar no trigésimo nono ano de Uzias, rei de Judá; e reinou durante um mês em Samaria.

[5]Ach leag an Tiarna a lámh ar an rí agus rinneadh lobhar de go lá a bháis, agus mhair sé i dteach leis féin. Bhí Iótám, mac an rí, i bhfeighil an rítheaghlaigh agus i gceannas ar an tír.

[6]An chuid eile de stair Azairiá, a imeachtaí go léir, nach bhfuil sé go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iúdá?

[7]Ansin chuaigh Azairiá chun suain lena shinsir agus chuireadar é i nDúnfort Dháiví, agus tháinig a mhac Iótám i gcomharbacht air.

Zacairiá agus Sealúm

[8]San ochtú bliain déag ar fhichid de réimeas Azairiá rí Iúdá thanig Zacairiá mac Iarobám i gcoróin ar Iosrael sa tSamáir ar feadh sé mhí.

[9]Rinne sé an t-olc i bhfianaise an Tiarna faoi mar a rinne a shinsir. Níor scoir sé de na peacaí inar threoraigh Iarobám mac Nabát Iosrael.

[10]Rinne Sealúm mac Iáibéis comhcheilg ina aghaidh agus chuir chun báis é ag Ibleám, agus thanig i gcoróin ina dhiaidh.

[11]An chuid eile de stair Zacairiá, tá sé scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael.

[12]Tharla sin de réir mar a gheáll an Tiarna do Iéahú: “Beidh do chlann mhac ina suí i ríchathaoir Iosrael go dtí an ceathrú glúin.” Agus is mar sin a bhí.

[13]Thánig Sealúm mac Iáibéis i gcoróin sa naoú bliain tríochad de réimeas Uizíá rí Iúdá agus bhí sé mí i gcoróin sa tSamáir.

[14] Subindo de Tirza, Menaém, filho de Gadi, veio a Samaria, feriu ali a Salum, filho de Jabes, matou-o e reinou em seu lugar.

[15] Quanto aos mais atos de Salum e a conspiração que fez, eis que estão escritos no Livro da História dos Reis de Israel.

[16] Então, Menaém feriu a Tifsa e todos os que nela havia, como também seus limites desde Tirza. Porque não lha abriram, a devastou e todas as mulheres grávidas fez rasgar pelo ventre.

O reinado de Menaém, de Israel

[17] Desde o trigésimo nono ano de Azarias, rei de Judá, Menaém, filho de Gadi, começou a reinar sobre Israel e reinou dez anos em Samaria.

[18] Fez o que era mau perante o SENHOR; todos os seus dias, não se apartou dos pecados de Jeroboão, filho de Nebate, que fez pecar a Israel.

[19] Então, veio Pul, rei da Assíria, contra a terra; Menaém deu a Pul mil talentos de prata, para que este o ajudasse a consolidar o seu reino.

[20] Menaém arrecadou este dinheiro de Israel para pagar ao rei da Assíria, de todos os poderosos e ricos, cinqüenta siclos de prata por cabeça; assim, voltou o rei da Assíria e não se demorou ali na terra.

[21] Quanto aos mais atos de Menaém e a tudo quanto fez, porventura, não estão

[14]Ansin ghabh Manachaem mac Gháidí suas ó Thirzeá, chuaigh isteach sa tSamáir, mharaigh Sealúm mac Iáibéis inti, agus tháinig i gcoróin ina áit.

[15]An chuid eile de stair Shealúm, an chomhcheilg a rinne sé, tá sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael.

[16]Is ag an am seo a chreach Manachaem Tapsach, a chuir sé gach duine ann chun báis, agus a chreach sé a dhúiche go léir óThirzeá ar aghaidh de bhrí nár oscail sé a gheataí dó; chreach sé an chathair agus rop sé claíomh i mbroinn gach mná a bhí ag iompar.

[17]Sa naoú bliain tríochad de réimeas Azairiá rí Iúdá tháinig Manachaem mac Gháidí i gcoróin ar Iosrael. Bhí sé deich mbliana i réim sa tSamáir.

[18]Rinne sé an t-olc i bhfianaise an Tiarna agus níor scoir sé de na peacaí inar threoraigh Iarobám mac Nabát Iosrael. [Lena linn]

[19]rinne Púl rí na hAsaíre ionradh ar an tír; thug Manachaem míle tallann airgid do Phúl d'fhonn go gcabhródh sé leis ag neartú lena ghreim ar an údarás ríoga.

[20]Rinne Manachaem an t-airgead sin a thobhach ar Iosrael, ar gach flaith, leathchéad seicil an duine, le tabhairt do rí na hAsaíre. D'imigh seisean ar ais ansin agus níor fhan sa tír.

[21]An chuid eile de stair Mhanachaem, a imeachtaí go léir, nach bhfuil sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael?

escritos no Livro da História dos Reis de Israel?

[22] Descansou Menaém com seus pais; e Pecaías, seu filho, reinou em seu lugar.

O reinado de Pecaías, de Israel

[23] No qüinquagésimo ano de Azarias, rei de Judá, começou a reinar Pecaías, filho de Menaém; e reinou sobre Israel, em Samaria, dois anos.

[24] Fez o que era mau perante o SENHOR; não se apartou dos pecados de Jeroboão, filho de Nebate, que fez pecar a Israel.

[25] Peca, seu capitão, filho de Remalias, conspirou contra ele e o feriu em Samaria, na fortaleza da casa do rei, juntamente com Argobe e com Arié; com Peca estavam cinqüenta homens dos gileaditas; Peca o matou e reinou em seu lugar.

[26] Quanto aos mais atos de Pecaías e a tudo quanto fez, eis que estão escritos no Livro da História dos Reis de Israel.

O reinado de Peca, de Israel

[27] No qüinquagésimo segundo ano de Azarias, rei de Judá, começou a reinar Peca, filho de Remalias, e reinou sobre Israel, em Samaria, vinte anos.

[28] Fez o que era mau perante o SENHOR; não se apartou dos pecados de Jeroboão, filho de Nebate, que fez pecar a Israel.

[29] Nos dias de Peca, rei de Israel, veio Tiglate-Pileser, rei da Assíria, e tomou a Ijom, a Abel-Bete-Maaca, a Janoa, a Quedes, a Hazor, a Gileade e à Galiléia, a toda a terra de Naftali, e levou os seus habitantes para a Assíria.

[22]Ansin chuaigh Manachaem chun suain lena shinsir. Tháinig Pacaichiá i gcomharbacht air.

Pacaichiá agus Peacach

[23]Sa chaogadú bliain de réimeas Azairiá rí Iúdá tháinig Pacaichiá mac Mhanachaem i gcoróin ar Iosrael sa tSamáir, agus bhí sé dhá bhliain i réim.

[24]Rinne sé an t-olc i bhfianaise an Tiarna; níor scoir sé de na peacaí inar threoraigh Iarobám mac Nabát Iosrael.

[25]Rinne Peacach mac Ramailiá, a cheann feadhna, comhcheilg ina aghaidh agus threascair é sa tSamáir, i ndúnfort an pháláis (Argob agus Airié). Bhí leathchéad d'fhir Ghileád lena chois; mharaigh sé an rí agus tháinig i gcomharbacht air.

[26]An chuid eile de stair Phacaichiá, a imeachtaí go léir, tá sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael.

[27]Sa dara bliain caogad de réimeas Azairiá rí Iúdá tháinig Peacach mac Ramailiá i gcoróin ar Iosrael sa tSamáir; agus bhí sé fiche bliain i réim.

[28]Rinne sé an t-olc i bhfianaise an Tiarna; níor scoir sé de na peacaí inar threoraigh Iarobám mac Nabát Iosrael.

[29]I réimeas Pheacach mac Ramailiá tháinig Tigleat Pileisir rí na hAsaíre agus ghabh sé Íón, Abael Béit Mácá, Iánóa, Ceidis, Hazór, Gileád agus an Ghailíl, agus críocha Naftáilí go léir, agus dhíbir sé an pobal go léir go dtí an Asaír.

[30] Oseias, filho de Elá, conspirou contra Peca, filho de Remalias, e o feriu, e o matou, e reinou em seu lugar, no vigésimo ano de Jotão, filho de Uzias.

[31] Quanto aos mais atos de Peca e a tudo quanto fez, eis que estão escritos no Livro da História dos Reis de Israel.

O reinado de Jotão, de Judá

2 Crônicas 27.1-9

[32] No ano segundo de Peca, filho de Remalias, rei de Israel, começou a reinar Jotão, filho de Uzias, rei de Judá.

[33] Tinha vinte e cinco anos de idade quando começou a reinar e reinou dezesseis anos em Jerusalém. Era o nome de sua mãe Jerusa, filha de Zadoque.

[34] Fez o que era reto perante o SENHOR; e em tudo procedeu segundo fizera Uzias, seu pai.

[35] Tão-somente os altos não se tiraram; o povo ainda sacrificava e queimava incenso nos altos. Ele edificou a Porta de Cima da Casa do SENHOR.

[36] Quanto aos mais atos de Jotão e a tudo quanto fez, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Judá?

[37] Naqueles dias, começou o SENHOR a enviar contra Judá a Rezim, rei da Síria, e a Peca, filho de Remalias.

[38] Descansou Jotão com seus pais e foi sepultado junto a seus pais, na Cidade de Davi, seu pai. Em seu lugar reinou Acaz, seu filho.

2 Reis 16

O reinado de Acaz, de Judá

[30]Rinne Hóiséa mac Éalá comhcheilg ansin in aghaidh Pheacach mac Ramailiá. Rinne sé an rí a dhúnmharú agus tháinig i gcomharbacht air (san fhichiú bliain de réimeas Iótám mac Uizíá).

[31]An chuid eile de stair Pheacach, agus a imeachtaí go léir, nach bhfuil sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iosrael?

Iótám agus Áchaz

[32]Sa dara bliain de réimeas Pheacach mac Ramailiá rí Iosrael tháinig Iótám mac Uizíá i gcoróin ar Iúdá.

[33]Bhí sé cúig bliana fichead d'aois nuair a thánig sé i gcoróin agus bhí sé sé bliana déag i réim in Iarúsailéim. Iarúiseá iníon Zádóc ab ainm dá mháthair.

[34]Rinne sé an ceart i bhfianaise an Tiarna de réir mar a rinne a athair Uizíá roimhe.

[35]Níor scriosadh na hardionaid, áfach, agus bhí an pobal fós ag ofráil íobairtí agus túise ar na hardionaid. Eisean a thóg Geata Uachtarach Theampall an Tiarna.

[36]An chuid eile de stair Iótám, a imeachtaí go léir, nach bhfuil sé sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iúdá?

[37]San am sin chrom an Tiarna ar Reizín rí Arám agus Peacach mac Ramailiá a chur i gcoinne Iúdá.

[38]Ansin chuaigh Iótám chun suain lena shinsir agus adhlacadh é i nDúnfort Dháiví, a shinsear, agus tháinig a mhac Áchaz i gcomharbacht air.

2 Ríthe 16

2 Crônicas 28.1-4

[1] No décimo sétimo ano de Peca, filho de Remalias, começou a reinar Acaz, filho de Jotão, rei de Judá.

[2] Tinha Acaz vinte anos de idade quando começou a reinar e reinou dezesseis anos em Jerusalém. Não fez o que era reto perante o SENHOR, seu Deus, como Davi, seu pai.

[3] Porque andou no caminho dos reis de Israel e até queimou a seu filho como sacrifício, segundo as abominações dos gentios, que o SENHOR lançara de diante dos filhos de Israel.

[4] Também sacrificou e queimou incenso nos altos e nos outeiros, como também debaixo de toda árvore frondosa.

Acaz pede socorro aos assírios

[5] Então, subiu Rezim, rei da Síria, com Peca, filho de Remalias, rei de Israel, a Jerusalém para pelejarem contra ela; cercaram Acaz, porém não puderam prevalecer contra ele.

[6] Naquele tempo, Rezim, rei da Síria, restituiu Elate à Síria e lançou fora dela os judeus; os siros vieram a Elate e ficaram habitando ali até ao dia de hoje.

[7] Acaz enviou mensageiros a Tiglate-Pileser, rei da Assíria, dizendo: Eu sou teu servo e teu filho; sobe e livra-me do poder do rei da Síria e do poder do rei de Israel, que se levantam contra mim.

[8] Tomou Acaz a prata e o ouro que se acharam na Casa do SENHOR e nos tesouros da casa do rei e mandou de presente ao rei da Assíria.

[1]Sa seachtú bliain déag de réimeas Pheacach mac Ramailiá thánig Áchaz mac Iótám i gcoróin ar Iúdá.

[2]Bhí Áchaz fiche bliain d'aois nuair a tháinig sé i gcoróin agus mhair a réimeas ar feadh sé bliana déag i Iarúsailéim. Ní dhearna sé an ceart i bhfianaise an Tiarna a Dhia dála Dháiví a athair.

[3]Lean sé sampla ríthe Iosrael agus thug ar a mhac féin fiú gabháil trí thine de réir mar a chleachtaí go náireach ag na ciníocha a dhíbir an Tiarna roimh chlann Iosrael.

[4]D'ofráil sé íobairtí agus túis ar na hardionaid, ar na cnoic agus faoi gach crann craobhach.

[5]Ansin is ea a thánig Reizín rí Arám agus Peacach mac Ramailiá rí Iosrael chun Iarúsailéim a ionsaí. Chuireadar léigear [air] ach níorbh fhéidir dóibh é a ghabháil.

[6](San am sin, ghabh rí [Eadóm] Éalat ar ais d'Eadóm; thiomáin sé fir Iúdá ó Éalat agus ghabh na hEadómaigh seilbh air agus tá siad ag cur fúthu ann go dtí an lá inniu.)

[7]Ansin sheol Áchaz teachtairí go Tigleat Pileisir rí na hAsaíre á rá: "Mise do shearbhónta agus do mhac. Tar agus fuascail mé ó rí Arám agus ó rí Iosrael atá ag cur catha orm."

[8]Thóg Áchaz a raibh d'airgead agus d'ór le fáil i dTeampall an Tiarna agus i gciste phálás an rí agus chuir é mar bhronntanas go rí na hAsaíre.

[9] O rei da Assíria lhe deu ouvidos, subiu contra Damasco, tomou-a, levou o povo para Quir e matou a Rezim.

A idolatria de Acaz
2 Crônicas 28.22-25

[10] Então, o rei Acaz foi a Damasco, a encontrar-se com Tiglate-Pileser, rei da Assíria; e, vendo ali um altar, enviou dele ao sacerdote Urias a planta e o modelo, segundo toda a sua obra.

[11] Urias, o sacerdote, edificou um altar segundo tudo o que o rei Acaz tinha ordenado de Damasco; assim o fez o sacerdote Urias, antes que o rei Acaz viesse de Damasco.

[12] Vindo, pois, de Damasco o rei, viu o altar, chegou-se a ele e nele sacrificou.

[13] Queimou o seu holocausto e a sua oferta de manjares, derramou a sua libação e aspergiu o sangue das suas ofertas pacíficas naquele altar.

[14] Porém o altar de bronze, que estava perante o SENHOR, tirou ele de diante da casa, de entre o seu altar e a Casa do SENHOR e o pôs ao lado do seu altar, do lado norte.

[15] Ordenou também o rei Acaz ao sacerdote Urias, dizendo: Queima, no grande altar, o holocausto da manhã, como também a oferta de manjares da tarde, e o holocausto do rei, e a sua oferta de manjares, e o holocausto de todo o povo da terra, e a sua oferta de manjares, e as suas libações; todo sangue dos

[9]Thug rí na hAsaíre cluas dó agus ghluais in aghaidh na Damaisce agus ghabh í. Dhíbir sé muntir na cathrach go Cír agus chuir Reizín chun báis.

[10]Nuair a chuaigh Áchaz rí chun na Damaisce le bualadh le Tigleat Pileisir rí na hAsaíre chonaic sé an altóir a bhí sa Damaisc. Agus chuir Áchaz rí tomhais na haltóra, cuspa di, agus sonraí a déantúis, go dtí Úiriá sagart.

[11]Agus thóg Úiriá sagart an altóir, agus rinne sé í go beacht de réir na dtreoracha go léir a chuir Áchaz rí ón Damaisc sular tháinig Áchaz rí ar ais ón Damaisc.

[12]Nuair a d'fhill an rí ón Damaisc, d'iniúch sé í, dhruid léi agus ghabh in airde uirthi.

[13]Dhóigh sí a íobairt dhóite agus a abhlann; dhoirt sé a ofráil dí, agus chroith fuil a ofráil chomaoineach ar an altóir.

[14]An altóir chré-umha a bhí os comhair an Tiarna, thóg sé chun siúil í ó thosach an Teampaill, mar a raibh sí idir an altóir [nua] agus Teampall an Tiarna, agus chuir ar an taobh thuaidh den altóir [nua] í.

[15]Thug Áchaz rí an t-ordú seo do Úiriá an sagart: “Dóigh as seo amach ar an altóir mhór íobairt dhóite na maidine, abhlann an tráthnóna, íobairt uileloiscthe an rí agus a abhlann, agus íobairt uileloiscthe phobail na tíre go léir, agus a n-abhlann, agus a n-ofráil dí. Croith uirthi fuil na n-íobairtí dóite go léir agus fuil na

holocaustos e todo sangue dos sacrifícios aspergirás nele; porém o altar de bronze ficará para a minha deliberação posterior.

16 Fez Urias, o sacerdote, segundo tudo quanto o rei Acaz lhe ordenara.

17 O rei Acaz cortou os painéis dos suportes, e de cima deles tomou a pia, e o mar, tirou-o de sobre os bois de bronze, que estavam debaixo dele, e o pôs sobre um pavimento de pedra.

18 Também o passadiço coberto para uso no sábado, que edificaram na casa, e a entrada real pelo lado de fora retirou da Casa do SENHOR, por causa do rei da Assíria.

A morte de Acaz

2 Crônicas 28.26-27

19 Quanto aos mais atos de Acaz e ao que fez, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Judá?

20 Descansou Acaz com seus pais e foi sepultado junto a seus pais, na Cidade de Davi; e Ezequias, seu filho, reinou em seu lugar.

2 Reis 17

O reinado de Oseias, de Israel

1 No ano duodécimo de Acaz, rei de Judá, começou a reinar Oseias, filho de Elá; e reinou sobre Israel, em Samaria, nove anos.

2 Fez o que era mau perante o SENHOR; contudo, não como os reis de Israel que foram antes dele.

A queda de Samaria e o cativeiro de Israel

n-ofrálacha go léir. Maidir leis an altóir chré-umha, beidh sí fúm féin le haghaidh oracal.”

16Rinne Úiriá sagart gach ní a d'ordaigh Áchaz do.

17Ghearr Áchaz rí creatlaigh na seastán chun siúil, bhain na trasnáin agus na miasa anuas díobh; thóg an mhuir chré-umha anuas de na daimh a bhí á hiompar agus leag í ar bhonn cloiche.

18Le hurraim do rí na hAsaíre, thóg sé chun siúil ó Theampall an Tiarna seomra an fháiltithe a bhí tógtha ansiúd, agus an iontráil ríoga lasmuigh.

19An chuid eile de stair Áchaz, a imeachtaí go léir, nach bhfuil sin uile scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iúdá?

20Ansin chuaigh Áchaz chun suain lena shinsir, agus adhlacadh é i nDúnfort Dháiví. Tháinig a mhac Hiziciá i gcomharbacht air.

2 Ríthe 17

Titim na Samáire

1Sa dara bliain déag de réimeas Áchaz rí Iúdá tháinig Hóiséa mac Éalá i gcoróin ar Iosrael sa tSamáir agus bhí sé naoi mbliana i réim.

2Rinne sé an t-olc i bhfianaise an Tiarna, ach níorbh ionann agus ríthe eile Iosrael a ghabh roimhe.

[3] Contra ele subiu Salmaneser, rei da Assíria; Oseias ficou sendo servo dele e lhe pagava tributo.

[3]Chuir Sealmaineisir rí na hAsaíre cogadh ar Hóiséa agus ghéill seisean dó agus thug cáin dó.

[4] Porém o rei da Assíria achou Oseias em conspiração, porque enviara mensageiros a Sô, rei do Egito, e não pagava tributo ao rei da Assíria, como dantes fazia de ano em ano; por isso, o rei da Assíria o encerrou em grilhões, num cárcere.

[4]Ach rug rí na hAsaíre ar Hóiséa ag déanamh fill air; bhí teachtairí curtha aige go dtí Só, rí na hÉigipte, gan an cháin a thabhairt do rí na hAsaíre mar a rinne na blianta roimhe sin. Uime sin ghabh rí na hAsaíre é agus chuir faoi chuibhreach i gcarcair é.

[5] Porque o rei da Assíria passou por toda a terra, subiu a Samaria e a sitiou por três anos.

[5]Ansin rinne rí na hAsaíre ionradh ar an tír ar fad; tháinig sé chuig an tSamáir agus chuir sé léigear uirthi ar feadh trí bliana.

[6] No ano nono de Oseias, o rei da Assíria tomou a Samaria e transportou a Israel para a Assíria; e os fez habitar em Hala, junto a Habor e ao rio Gozã, e nas cidades dos medos.

[6]Sa naoú bliain de réimeas Hóiséa ghabh rí na hAsaíre an tSamáir agus dhíbir sé na hIosraelaigh chun na hAsaíre. Chuir sé ina gcónaí iad i Hala agus ar an Hábór, abhainn de chuid Ghózán, agus i gcathracha na Méideach.

A causa do cativeiro

[7] Tal sucedeu porque os filhos de Israel pecaram contra o SENHOR, seu Deus, que os fizera subir da terra do Egito, de debaixo da mão de Faraó, rei do Egito; e temeram a outros deuses.

[8] Andaram nos estatutos das nações que o SENHOR lançara de diante dos filhos de Israel e nos costumes estabelecidos pelos reis de Israel.

[9] Os filhos de Israel fizeram contra o SENHOR, seu Deus, o que não era reto; edificaram para si altos em todas as suas cidades, desde as atalaias dos vigias até à cidade fortificada.

Machnamh ar an Tubaiste

[7]Tharla sin de bhrí gur pheacaigh clann Iosrael in aghaidh an Tiarna a nDia, a thug slán amach iad as críocha na hÉigipte, ó smacht Fhorainn, rí na hÉigipte. Thug siad adhradh do dhéithe eile,

[8]lean siad nósanna na gciníocha a bhí curtha as a seilbh ag an Tiarna roimh chlann Iosrael (agus na nósanna ar chuir ríthe Iosrael tús leo).

[9]Dúirt clann Iosrael nithe éagóra in aghaidh an Tiarna a nDia. Cibé áit inar chuir siad fúthu, ó thúr faire go cathair dhaingean, thóg siad ardionaid dóibh féin.

[10] Levantaram para si colunas e postes-ídolos, em todos os altos outeiros e debaixo de todas as árvores frondosas.

[10]Chuir siad suas colúin agus cuaillí naofa dóibh féin ar gach cnoc ard agus faoi gach crann craobhach.

[11] Queimaram ali incenso em todos os altos, como as nações que o SENHOR expulsara de diante deles; cometeram ações perversas para provocarem o SENHOR à ira

[11]D'ofrálaidís íobairtí túise (ar na hardionaid go léir) mar a dhéanadh na ciníocha go léir a dhíbir an Tiarna rompu. Rinneadar gníomhartha coiriúla agus ghriogadar an Tiarna chun feirge.

[12] e serviram os ídolos, dos quais o SENHOR lhes tinha dito: Não fareis estas coisas.

[12]D'adhradar íola cé go ndúirt an Tiarna leo: “Ná déanaigí amhlaidh.”

[13] O SENHOR advertiu a Israel e a Judá por intermédio de todos os profetas e de todos os videntes, dizendo: Voltai-vos dos vossos maus caminhos e guardai os meus mandamentos e os meus estatutos, segundo toda a Lei que prescrevi a vossos pais e que vos enviei por intermédio dos meus servos, os profetas.

[13]Mar sin féin thug an Tiarna an rabhadh seo d'Iosrael agus do Iúdá trí bhéal na bhfáithe agus an lucht físe go léir: “Filligí ó bhur ndrochshlite agus coinnigí m'aitheanta agus mo reachtanna de réir an dlí iomláin a leag mé amach do bhur n-aithreacha agus a thug mé daoibh trí mo shearbhóntaí, na fáithe.”

[14] Porém não deram ouvidos; antes, se tornaram obstinados, de dura cerviz como seus pais, que não creram no SENHOR, seu Deus.

[14]Ach ní éistfeadh siad; bhí siad níos stuacaí ná a sinsir a bhí gan creideamh sa Tiarna a nDia.

[15] Rejeitaram os estatutos e a aliança que fizera com seus pais, como também as suas advertências com que protestara contra eles; seguiram os ídolos, e se tornaram vãos, e seguiram as nações que estavam em derredor deles, das quais o SENHOR lhes havia ordenado que não as imitassem.

[15]Ní raibh ach dímheas acu ar a dhlíthe agus ar an gconradh a rinne sé lena sinsir, agus ar gach rabhadh a bhí tugtha aige dóibh. Lean siad déithe bréige agus d'éirigh siad féin bréagach; rinne siad aithris ar na ciníocha ina dtimpeall, cé gur ordaigh an Tiarna dóibh gan déanamh mar a dhéanaidís siúd.

[16] Desprezaram todos os mandamentos do SENHOR, seu Deus, e fizeram para si imagens de fundição, dois bezerros;

[16]Thug siad droim láimhe le haitheanta an Tiarna a nDia, agus rinne siad íola de mhiotal leáite, dhá lao, dóibh fén; rinne siad cuaillí naofa dóibh féin, agus thug

fizeram um poste-ídolo, e adoraram todo o exército do céu, e serviram a Baal.

[17] Também queimaram a seus filhos e a suas filhas como sacrifício, deram-se à prática de adivinhações e criam em agouros; e venderam-se para fazer o que era mau perante o SENHOR, para o provocarem à ira.

[18] Pelo que o SENHOR muito se indignou contra Israel e o afastou da sua presença; e nada mais ficou, senão a tribo de Judá.

[19] Também Judá não guardou os mandamentos do SENHOR, seu Deus; antes, andaram nos costumes que Israel introduziu.

[20] Pelo que o SENHOR rejeitou a toda a descendência de Israel, e os afligiu, e os entregou nas mãos dos despojadores, até que os expulsou da sua presença.

[21] Pois, quando ele rasgou a Israel da casa de Davi, e eles fizeram rei a Jeroboão, filho de Nebate, Jeroboão apartou a Israel de seguir o SENHOR e o fez cometer grande pecado.

[22] Assim, andaram os filhos de Israel em todos os pecados que Jeroboão tinha cometido; nunca se apartaram deles,

[23] até que o SENHOR afastou a Israel da sua presença, como falara pelo ministério de todos os seus servos, os profetas; assim, foi Israel transportado da sua terra para a Assíria, onde permanece até ao dia de hoje.

O rei da Assíria renova a população de Samaria

[24] O rei da Assíria trouxe gente de Babilônia, de Cuta, de Ava, de Hamate e

siad adhradh do shluaite uile na spéire, agus seirbhís do Bhál.

[17]Chuir siad d'iallach ar a gclann mhac agus iníonacha gabháil trí thine; chleacht siad fáidheoireacht agus piseoga agus rinne siad iad féin a reic le holc a dhéanamh i bhfianaise an Tiarna, á ghriogadh chun feirge.

[18]Mar gheall air sin bhí an Tiarna i bhfeirg le hIosrael agus chaith sé uaidh iad. Níor fágadh ach treibh Iúdá amháin.

[19]Ach níor choimeád Iúdá freisin aitheanta an Tiarna, a nDia, ach aithris a dhéanamh ar na nósanna ar chuir Iosrael tús leo.

[20]Chaith an Tiarna sliocht Iosrael go léir i leataobh; leag ar lár iad, agus thug i lámha lucht a gcreachta iad go dtí ar deireadh gur thiomáin sé uaidh iad.

[21]Nuair a stoll sé Iosrael ó theaghlach Dháiví, rinne siad rí de Iarobám mac Nabát. Agus sheol Iarobám Iosrael ó lorg an Tiarna agus threoraigh iad isteach i gcoir mhór.

[22]Rinne clann Iosrael aithris ar na peacaí go léir a rinne Iarobám, gan éirí astu,

[23]nó gur chaith an Tiarna Iosrael as a radharc de réir mar a gheall sé trí bhéal a shearbhóntaí go léir, na fáithe. Mar sin atá Iosrael san Asaír ar díbirt óna dtír féin go dtí an lá inniu.

Na Samáraigh

[24]Thug rí na hAsaíre daoine ón mBablóin, ó Chútá, ó Avá, ó Hamát, agus ó

de Sefarvaim e a fez habitar nas cidades de Samaria, em lugar dos filhos de Israel; tomaram posse de Samaria e habitaram nas suas cidades.

Shafarvaím, agus chuir sé iad chun cónaithe i gcathracha na Samáire in áit chlann Iosrael. Ghabh siadsan seilbh ar an tSamáir agus chuaigh chun cónaí ina cathracha.

25 A princípio, quando passaram a habitar ali, não temeram o SENHOR; então, mandou o SENHOR para o meio deles leões, os quais mataram a alguns do povo.

25 Nuair a chuir siad fúthu ar dtús ann, níor thug siad ómós don Tiarna, agus dá bhrí sin sheol an Tiarna leoin ina measc agus mharaigh siadsan cuid acu.

26 Pelo que se disse ao rei da Assíria: As gentes que transportaste e fizeste habitar nas cidades de Samaria não sabem a maneira de servir o deus da terra; por isso, enviou ele leões para o meio delas, os quais as matam, porque não sabem como servir o deus da terra.

26 Duradh ansin le rí na hAsaíre: “Na cinícha a thug tú leat agus a chuir tú chun cónaí i gcathracha na Samáire, ní eol dóibh dlí Dhia na tíre, agus sheol seisean leoin ina gcoinne agus tá siadsan á marú mar nach eol dóibh dlí Dhia na tíre.”

27 Então, o rei da Assíria mandou dizer: Levai para lá um dos sacerdotes que de lá trouxestes; que ele vá, e lá habite, e lhes ensine a maneira de servir o deus da terra.

27 Thug rí na hAsaíre ordú uaidh ansin: “Cuirigí ar ais ansiúd duine de na sagairt a dhíbir [mé] ón áit sin agus téadh sé chun cónaí ann, agus múineadh sé dóibh dlí Dhia na tíre.”

28 Foi, pois, um dos sacerdotes que haviam levado de Samaria, e habitou em Betel, e lhes ensinava como deviam temer o SENHOR.

28 Tháinig duine de na sagairt a díbríodh ón tSamáir chun cónaí i mBéitéil dá bhrí sin, agus mhúin sé dóibh conas an Tiarna a adhradh.

O culto misto dos samaritanos

29 Porém cada nação fez ainda os seus próprios deuses nas cidades em que habitava, e os puseram nos santuários dos altos que os samaritanos tinham feito.

29 Ach rinne gach cine a íola féin, agus chuir iad i scrínte na n-ardionad a bhí déanta ag na Samáraigh; rinne gach cine é sin sna cathracha inar lonnaíodar.

30 Os de Babilônia fizeram Sucote-Benote; os de Cuta fizeram Nergal; os de Hamate fizeram Asima;

30 Rinne muintir na Bablóine Sucót Banót, muintir Chút Néargál, muintir Hamát Aisímeá,

31 os aveus fizeram Nibaz e Tartaque; e os sefarvitas queimavam seus filhos a

31 muintir Avá Nibcheaz agus Tartác; agus rinne muintir Shafarvaím a gclann a dhó

Adrameleque e a Anameleque, deuses de Sefarvaim.

[32] Mas temiam também ao SENHOR; dentre os do povo constituíram sacerdotes dos lugares altos, os quais oficiavam a favor deles nos santuários dos altos.

[33] De maneira que temiam o SENHOR e, ao mesmo tempo, serviam aos seus próprios deuses, segundo o costume das nações dentre as quais tinham sido transportados.

[34] Até ao dia de hoje fazem segundo os antigos costumes; não temem o SENHOR, não fazem segundo os seus estatutos e juízos, nem segundo a lei e o mandamento que o SENHOR prescreveu aos filhos de Jacó, a quem deu o nome de Israel.

[35] Ora, o SENHOR tinha feito aliança com eles e lhes ordenara, dizendo: Não temereis outros deuses, nem vos prostrareis diante deles, nem os servireis, nem lhes oferecereis sacrifícios;

[36] mas ao SENHOR, que vos fez subir da terra do Egito com grande poder e com braço estendido, a ele temereis, e a ele vos prostrareis, e a ele oferecereis sacrifícios.

[37] Os estatutos e os juízos, a lei e o mandamento que ele vos escreveu, tereis cuidado de os observar todos os dias; não temereis outros deuses.

[38] Da aliança que fiz convosco não vos esquecereis; nem temereis outros deuses.

in onóir Adraimeilic agus Anaimeilic, déithe Shafarvaím.

[32]Ach thug siad ómós don Tiarna chomh maith, agus cheap siad sagairt as a muintir féin do na hardionaid le híobairtí a dhéanamh ar a son i scrínte na n-ardionad.

[33]Thug siad ómós don Tiarna, agus rinne siad fónamh dá ndéithe féin san am céanna de réir nósanna na dtíortha as ar ionnarbadh iad.

[34]Leanann siad na seanghnásanna fós inniu. Níor thug siad urraim don Tiarna, ná níor lean siad a reachtanna ná a ghnásanna, ná an dlí ná na haitheanta a leag an Tiarna ar shliocht Iacóib dár thug sé an t-ainm Iosrael.

[35]Rinne an Tiarna conradh leo agus thug an t-ordú seo dóibh: “Ná tugaigí ómós do dhéithe coigríocha, ná cromaigí síos rompu, ná déanaigí seirbhís ná íobairt dóibh.

[36]Tugaigí ómós don Tiarna a thug sibh amach as tír na hÉigipte le mórchumhacht agus le géag ar tinneall; cromaigí síos roimhe agus déanaigí íobairt dó.

[37]Leanaigí a reachtanna agus a ghnásanna, an dlí agus na haitheanta a scríobh sé daoibh, agus atá le comhlíonadh agaibh i gcónaí go beacht. Ná tugaigí ómós d'aon déithe eile,

[38]agus ná déanaigí dearmad ar an gconradh a rinne mé libh; ná bíodh urraim agaibh do dhéithe coigríocha

[39] Mas ao SENHOR, vosso Deus, temereis, e ele vos livrará das mãos de todos os vossos inimigos.
[40] Porém eles não deram ouvidos a isso; antes, procederam segundo o seu antigo costume.

[41] Assim, estas nações temiam o SENHOR e serviam as suas próprias imagens de escultura; como fizeram seus pais, assim fazem também seus filhos e os filhos de seus filhos, até ao dia de hoje.

[39]ach bíodh urraim agaibh don Tiarna bhur nDia, an té a shaorfaidh sibh ó lámha bhur naimhde go léir."

[40]Ach níor thugadar cluas dó, ach a seanghnásanna a leanúint.

[41]Thug na náisiúin úd ómós don Tiarna dá bhrí sin. Ach rinneadar seirbhís dá n-íola greanta chomh maith; is é an scéal céanna ag a sliocht agus ag sliocht a sleachta fós inniu - tá siad ag déanamh mar a rinne a sinsir rompu.

2 Reis 18

O reinado de Ezequias, de Judá
2 Crônicas 29.1-2

[1] No terceiro ano de Oseias, filho de Elá, rei de Israel, começou a reinar Ezequias, filho de Acaz, rei de Judá.
[2] Tinha vinte e cinco anos de idade quando começou a reinar e reinou vinte e nove anos em Jerusalém; sua mãe se chamava Abi e era filha de Zacarias.
[3] Fez ele o que era reto perante o SENHOR, segundo tudo o que fizera Davi, seu pai.
[4] Removeu os altos, quebrou as colunas e deitou abaixo o poste-ídolo; e fez em pedaços a serpente de bronze que Moisés fizera, porque até àquele dia os filhos de Israel lhe queimavam incenso e lhe chamavam Neustã.
[5] Confiou no SENHOR, Deus de Israel, de maneira que depois dele não houve seu semelhante entre todos os reis de Judá, nem entre os que foram antes dele.

2 Ríthe 18

Blianta Deiridh Iúdá
Tús Réimeas Hiziciá

[1]Sa tríú bliain de réimeas Hóiséa mac Éalá rí Iosrael tháinig Hiziciá mac Áchaz rí Iúdá i gcoróin.
[2]Bhí sé cúig bliana fichead nuair a tháinig sé i gcoróin, agus bhí sé naoi mbliana fichead i réim in Iarúsailéim. Aibí iníon Zacairiá ab ainm dá mháthair.
[3]Rinne sé an ceart i bhfianaise an Tiarna de réir gach a ndearna Dáiví a shinsear.
[4]Eisean a scrios na hardionaid agus a bhris na colúin, agus a ghearr anuas na cuaillí naofa, agus a rinne smidiríní den nathair chré-umha a rinne Maois mar go dtí sin bhí túis á dó di ag clann Iosrael. Nahuisteán a thugtaí uirthi.
[5]As an Tiarna Dia Iosrael a bhí a mhuinín aige, i dtreo nach raibh aon duine mar é i measc ríthe Iúdá go léir ina dhiaidh, ná i measc ar ghabh roimhe.

[6] Porque se apegou ao SENHOR, não deixou de segui-lo e guardou os mandamentos que o SENHOR ordenara a Moisés.

[6]Chloígh sé go dílis leis an Tiarna, gan casadh uaidh choíche, ach ag coimeád na n-aitheanta a d'ordaigh an Tiarna do Mhaois.

[7] Assim, foi o SENHOR com ele; para onde quer que saía, lograva bom êxito; rebelou-se contra o rei da Assíria e não o serviu.

[7]Bhí an Tiarna ina theannta agus bhí an rath air cibé áit ar a raibh a thriall. D'éirigh sé amach in aghaidh rí na hAsaíre agus d'eitigh fónamh dó.

[8] Feriu ele os filisteus até Gaza e seus limites, desde as atalaias dos vigias até à cidade fortificada.

[8]Eisean a luigh ar na Filistínigh síos go Gazá agus bhánaigh a gcríocha ó thúr faire go cathair dhaingean.

[9] No quarto ano do rei Ezequias, que era o sétimo de Oseias, filho de Elá, rei de Israel, subiu Salmaneser, rei da Assíria, contra Samaria e a cercou.

[9]Sa cheathrú bliain de réimeas Hiziciá - ba í sin an seachtú bliain de réimeas Hóiséa mac Éalá rí Iosrael - tháinig Sealmaineisir rí na hAsaíre suas in aghaidh na Samáire agus chuir léigear uirthi.

[10] Ao cabo de três anos, foi tomada; sim, no ano sexto de Ezequias, que era o nono de Oseias, rei de Israel, Samaria foi tomada.

[10]Ghabh sé í tar éis trí bliana. Gabhadh an tSamáir sa séú bliain de réimeas Hiziciá, an naoú bliain de réimeas Hóiséa rí Iosrael.

[11] O rei da Assíria transportou a Israel para a Assíria e o fez habitar em Hala, junto a Habor e ao rio Gozã, e nas cidades dos medos;

[11]Thug rí na hAsaíre na hIosraelaigh leis go dtí an Asaír, agus chuir sé chun cónaithe iad i Halach ar an Hábór, abhainn de chuid Ghózán, agus i gcathracha na Méideach.

[12] porquanto não obedeceram à voz do SENHOR, seu Deus; antes, violaram a sua aliança e tudo quanto Moisés, servo do SENHOR, tinha ordenado; não o ouviram, nem o fizeram.

[12]Tharla sin mar nár ghéill siad do ghlór an Tiarna a nDia, agus gur sháraigh siad a chonradh, agus nár thug siad cluas do gach ar ordaigh Maois, searbhónta an Tiarna, agus go raibh siad easumhal dó.

Senaquerib invade Judá

2 Crônicas 32.1-8; Isaías 36.1-3

Ionradh Shanaichéiríb

[13] No ano décimo quarto do rei Ezequias, subiu Senaqueribe, rei da Assíria, contra todas as cidades fortificadas de Judá e as tomou.

[13]Sa cheathrú bliain déag de réimeas Hiziciá, tháinig Sanaichéiríb rí na hAsaíre agus d'ionsaigh sé cathracha daingne Iúdá agus ghabh sé iad.

[14] Então, Ezequias, rei de Judá, enviou mensageiros ao rei da Assíria, a Laquis, dizendo: Errei; retira-te de mim; tudo o que me impuseres suportarei. Então, o rei da Assíria impôs a Ezequias, rei de Judá, trezentos talentos de prata e trinta talentos de ouro.

[15] Deu-lhe Ezequias toda a prata que se achou na Casa do SENHOR e nos tesouros da casa do rei.

[16] Foi quando Ezequias arrancou das portas do templo do SENHOR e das ombreiras o ouro de que ele, rei de Judá, as cobrira, e o deu ao rei da Assíria.

[17] Contudo, o rei da Assíria enviou, de Laquis, a Tartã, a Rabe-Saris e a Rabsaqué, com um grande exército, ao rei Ezequias, a Jerusalém; subiram e vieram a Jerusalém. Tendo eles subido e chegado, pararam na extremidade do aqueduto do açude superior, junto ao caminho do campo do Lavandeiro.

[18] Tendo eles chamado o rei, saíram-lhes ao encontro Eliaquim, filho de Hilquias, o mordomo, Sebna, o escrivão, e Joá, filho de Asafe, o cronista.

Rabsaqué afronta a Ezequias e ao Senhor

2 Crônicas 32.9-20; Isaías 36.4-22

[19] Rabsaqué lhes disse: Dizei a Ezequias: Assim diz o sumo rei, o rei da Assíria: Que confiança é essa em que te estribas?

[20] Bem posso dizer-te que teu conselho e poder para guerra não passam de vãs

[14]Ansin chuir Hiziciá rí Iúdá teachtaireacht go rí na hAsaíre i Láicís. “Rinne mé coir; cas i leataobh uaim; cuirfidh mé suas le cibé pionós a leagfaidh tú orm.” Agus d'éiligh rí na hAsaíre trí chéad tallann airgid agus tríocha tallann óir ar Hiziciá rí Iúdá.

[15]Agus thug Hiziciá a raibh d'airgead i dTeampall an Tiarna agus i gcistí phálás an rí dó.

[16]Ansin is ea a bhain Hiziciá an t-ór de chomhlaí agus d'ursaineacha Theampall an Tiarna, an t-ór a chuir (Hiziciá) rí Iúdá mar chumhdach orthu, agus thug é do rí na hAsaíre.

An Príomhchornaire ar Thoscaireacht

[17]Chuir rí na hAsaíre an priomhchornaire (an ceann feadhna agus an príomhchoillteán) agus slua mór ó Láicís go Hiziciá rí in Iarúsailéim. Ghabh sé suas go Iarúsailéim agus nuair a tháinig sé ansiúd, sheas sé taobh le sileán na linne uachtair atá ar an mbóthar go Gort an Úcaire.

[18]Chuir sé fios ar an rí agus chuaigh Eiliácaím mac Hilcíá reachtaire an pháláis, Seabná an rúnaí agus Ióách mac Ásáf an callaire, amach chuige.

[19]Dúirt an príomhchornaire leo: “Abair le Hiziciá: ‘Mar seo a deir an rí mór, rí na hAsaíre: Cad as a bhfuil an mhuinín seo go léir agat?

[20]An dóigh leat go bhfuil focail bhaotha chomh maith le straitéis agus cumhacht mhíleata? Cé as a bhfuil do sheasamh a rá

palavras; em quem, pois, agora, confias, para que te rebeles contra mim?

is go bhfuil sé de dhánaíocht ionat ceannairc a dhéanamh i m'aghaidh?

21 Confias no Egito, esse bordão de cana esmagada, o qual, se alguém nele apoiar-se, lhe entrará pela mão e a traspassará; assim é Faraó, rei do Egito, para com todos os que nele confiam.

21Is léir go bhfuil tú ag brath ar an Éigipt anois, an ghiolcach bhriste sin, bata a phriocann agus a ghoineann lámh an té a luíonn uirthi - mar sin atá ag Forann rí na hÉigipte le gach duine a bhíonn ag brath air.

22 Mas, se me dizeis: Confiamos no SENHOR, nosso Deus, não é esse aquele cujos altos e altares Ezequias removeu, dizendo a Judá e a Jerusalém: Perante este altar adorareis em Jerusalém?

22B'fhéidir go ndéarfadh sibh liom: Ar an Tiarna ár nDia atáimid ag brath. Ach nach iad a ardionaidsean agus a altóirí a thóg Hiziciá chun siúil, a rá le muintir Iúdá agus Iarúsailéim: Sí an altóir seo in Iarúsailéim ar cheart daoibh adhradh os a comhair?

23 Ora, pois, empenha-te com meu senhor, rei da Assíria, e dar-te-ei dois mil cavalos, se de tua parte achares cavaleiros para os montar.

23Cuir geall anois, más ea, le mo mháistir, rí na hAsaíre: Tabharfaidh mé dhá mhíle each duit más féidir leat dhá mhíle marcach a fháil le dul ar a muin.

24 Como, pois, se não podes afugentar um só capitão dos menores dos servos do meu senhor, confias no Egito, por causa dos carros e cavaleiros?

24Cén chaoi arbh fhéidir leat oiread agus aon chaptaen amháin den lucht is táire de shearbhóntaí mo mháistir a chloí a rá is go bhfuil tú ag brath ar an Éigipt d'eachra agus do charbaid?

25 Acaso, subi eu, agora, sem o SENHOR contra este lugar, para o destruir? Pois o SENHOR mesmo me disse: Sobe contra a terra e destrói-a.

25Agus thairis sin, an bhfuilimse tagtha aníos chun an áit seo a ionsaí agus a scrios gan barántas ón Tiarna? Dúirt an Tiarna féin liom: Gluais i gcoinne na tíre sin agus déan é a scrios.' ”

26 Então, disseram Eliaquim, filho de Hilquias, Sebna e Joá a Rabsaqué: Rogamos-te que fales em aramaico aos teus servos, porque o entendemos, e não nos fales em judaico, aos ouvidos do povo que está sobre as muralhas.

26Ansin dúirt Eiliácaím mac Hilcíá agus Seabná agus Ióách leis an bpríomhchornaire: “Labhair as Aramais le do thoil le do shearbhóntaí mar tuigimid í; ná labhair linn as teanga Iúdá i gclos na ndaoine ar na ballaí.”

[27] Mas Rabsaqué lhes respondeu: Mandou-me, acaso, o meu senhor para dizer-te estas palavras a ti somente e a teu senhor? E não, antes, aos homens que estão sentados sobre as muralhas, para que comam convosco o seu próprio excremento e bebam a sua própria urina?

[28] Então, Rabsaqué se pôs em pé, e clamou em alta voz em judaico, e disse: Ouvi as palavras do sumo rei, do rei da Assíria.

[29] Assim diz o rei: Não vos engane Ezequias; porque não vos poderá livrar da sua mão;

[30] nem tampouco vos faça Ezequias confiar no SENHOR, dizendo: O SENHOR, certamente, nos livrará, e esta cidade não será entregue nas mãos do rei da Assíria.

[31] Não deis ouvidos a Ezequias; porque assim diz o rei da Assíria: Fazei as pazes comigo e vinde para mim; e comei, cada um da sua própria vide e da sua própria figueira, e bebei, cada um da água da sua própria cisterna.

[32] Até que eu venha e vos leve para uma terra como a vossa, terra de cereal e de vinho, terra de pão e de vinhas, terra de oliveiras e de mel, para que vivais e não morrais. Não deis ouvidos a Ezequias, porque vos engana, dizendo: O SENHOR nos livrará.

[27]Ach dúirt an príomhchornaire leo: “An dóigh leat gur le hé seo a rá le do mháistir nó leatsa a chuir mo mháistir mise anseo? Ní hea ach leis na daoine ar na ballaí, a bhfuil sé i ndán dóibh a gcac féin a ithe, agus a mún féin a ól bhur ndála féin.”

[28]Ansin sheas an príomhchornaire agus dúirt in ard a chinn agus a ghutha i dteanga Iúdá: “Éistigí le briathar an rí mhóir, rí na hAsaíre.

[29]Mar seo a deir an rí: ‘Ná cuireadh Hiziciá an dallamullóg oraibh mar ní bheidh ar a chumas sibh a fhuascailt as mo ghreim.

[30]Ná cuireadh Hiziciá ina luí oraibh a bheith ag brath ar an Tiarna lena rá libh: Déanfaidh an Tiarna sinn a fhuascailt go cinnte agus ní thabharfar an chathair seo i lámha rí na hAsaíre.’

[31]Ná héistigí le Hiziciá, mar seo mar a deir rí na hAsaíre: ‘Déanaigí síocháin liom, agus géilligí dom, agus íosfaidh gach duine agaibh toradh a fhíniúna féin, agus toradh a chrann figí féin, agus ólfaidh gach duine agaibh uisce as a umar féin,

[32]nó go dtaga mé agus sibh a bhreith liom go tír mar bhur dtír féin, tír gráin agus fíona, tír aráin agus fíonghort, tír ológ agus meala, i dtreo nach bás ach beatha a bheidh i ndán daoibh. Ná héistigí le Hiziciá agus é ag cur an dallamullóg oraibh á rá: Déanfaidh an Tiarna sinn a fhuascailt.

[33] Acaso, os deuses das nações puderam livrar, cada um a sua terra, das mãos do rei da Assíria?

[33]A ndearna aon dia d'aon chine a thír a fhuascailt ó láimh rí na hAsaíre?

[34] Onde estão os deuses de Hamate e de Arpade? Onde estão os deuses de Sefarvaim, Hena e Iva? Acaso, livraram eles a Samaria das minhas mãos?

[34]Cá bhfuil déithe Hamát agus Arpád? Cá bhfuil déithe Shafarvaím agus Haena, agus Íveá? [Cá bhfuil déithe thír na Samáire?] Ar fhuascail siad an tSamáir as mo ghreim?

[35] Quais são, dentre todos os deuses destes países, os que livraram a sua terra das minhas mãos, para que o SENHOR possa livrar a Jerusalém das minhas mãos?

[35]Cé acu déithe de dhéithe na dtíortha go léir a d'fhuascail a dtíortha as mo lámha, go bhféadfadh an Tiarna Iarúsailéim a fhuascailt as mo lámha? ' "

[36] Calou-se, porém, o povo e não lhe respondeu palavra; porque assim lhe havia ordenado o rei: Não lhe respondereis.

[36]Ach bhí an pobal ina dtost gan focal astu, mar thug an rí ordú, á rá: "Na tugaigí freagra air!"

[37] Então, Eliaquim, filho de Hilquias, o mordomo, e Sebna, o escrivão, e Joá, filho de Asafe, o cronista, vieram ter com Ezequias, com suas vestes rasgadas, e lhe referiram as palavras de Rabsaqué.

[37]Ansin chuaigh Eiliácaím mac Hilcíá, reachtaire an pháláis, agus Seabná, an rúnaí, agus Ióách mac Ásáf, an callaire, go Hizicíá agus a n-éidí stróicthe, agus d'inis dó céard a dúirt an príomhchornaire.

2 Reis 19

Ezequias consulta a Isaías
Isaías 37.1-7

[1] Tendo o rei Ezequias ouvido isto, rasgou as suas vestes, cobriu-se de pano de saco e entrou na Casa do SENHOR.

[2] Então, enviou a Eliaquim, o mordomo, a Sebna, o escrivão, e os anciãos dos sacerdotes cobertos de pano de saco, ao profeta Isaías, filho de Amoz;

[3] os quais lhe disseram: Assim diz Ezequias: Este dia é dia de angústia, de disciplina e de opróbrio; porque filhos são

2 Ríthe 19

Comhairle

[1]Nuair a chuala Hizicíá rí é sin, stróic sé a éidí agus chlúdaigh é féin le héadach róin agus chuaigh isteach i dTeampall an Tiarna.

[2]Chuir sé Eiliácaím, reachtaire an pháláis, agus Seabná, an rúnaí, agus seanóirí na sagart, agus iad gléasta in éadach róin, go dtí an fáidh Íseáia mac Ámóz.

[3]Dúirt siad leis: "Mar seo a deir Hizicíá: 'Lá anró an lá seo, lá pionóis agus aithise. Tá leanaí i mbéal a mbreithe, ach níl sé de

chegados à hora de nascer, e não há força para dá-los à luz.

4 Porventura, o SENHOR, teu Deus, terá ouvido todas as palavras de Rabsaqué, a quem o rei da Assíria, seu senhor, enviou para afrontar o Deus vivo, e repreenderá as palavras que ouviu; ergue, pois, orações pelos que ainda subsistem.

5 Foram, pois, os servos do rei Ezequias a ter com Isaías;

6 Isaías lhes disse: Dizei isto a vosso senhor: Assim diz o SENHOR: Não temas por causa das palavras que ouviste, com as quais os servos do rei da Assíria blasfemaram de mim.

7 Eis que meterei nele um espírito, e ele, ao ouvir certo rumor, voltará para a sua terra; e nela eu o farei cair morto à espada.

A carta do rei da Assíria
Isaías 37.8-13

8 Voltou, pois, Rabsaqué e encontrou o rei da Assíria pelejando contra Libna; porque ouvira que o rei já se havia retirado de Laquis.

9 O rei ouviu que a respeito de Tiraca, rei da Etiópia, se dizia: Eis saiu para guerrear contra ti. Assim, tornou a enviar mensageiros a Ezequias, dizendo:

10 Assim falareis a Ezequias, rei de Judá: Não te engane o teu Deus, em quem confias, dizendo: Jerusalém não será entregue nas mãos do rei da Assíria.

neart ag a máithreacha iad a thabhairt ar an saol.

4Go gcluine an Tiarna do Dhia briathra uile an phríomhchornaire a chuir a mháistir, rí na hAsaíre, chun masla a thabhairt do Dhia beo, agus go ndéana an Tiarna do Dhia na briathra a chuala sé a agairt. Cuir suas do ghuí dá bhrí sin ar son an iarmhair atá fágtha.’ ”

5Nuair a tháinig searbhóntaí an rí Hiziciá go Íseáia,

6d'fhreagair seisean: “Abraigí le bhur máistir: ‘Mar seo a deir an Tiarna: Ná bíodh eagla oraibh roimh na briathra a chuala sibh ná roimh na maslaí a chaith seirbhísigh rí na hAsaíre liom.

7Táim ar tí spiorad a chur ann agus cluinfidh sé ráfla agus fillfidh sé ar a thír féin, agus fágfaidh mé ar lár leis an gclaíomh é sa tír sin.’ ”

8D'fhill an príomhchornaire agus fuair rí na hAsaíre ag troid in aghaidh Libneá mar bhí sé cloiste aige gur fhág an rí Láicís.

9Fuair an rí scéala faoi Thiorhácá rí Chúis: “Tá sé chugat chun cath a chur ort.”

Litir Shanaichéiríb

Chuir Sanaichéiríb teachtairí ag triall ar Hiziciá a rá:

10“Abraigí an méid seo le Hiziciá rí Iúdá: ‘An Dia ar a bhfuil tú ag brath, ná mealladh sé thú á rá: Ní thiocfaidh Iarúsailéim faoi smacht rí na hAsaíre.

[11] Já tens ouvido o que fizeram os reis da Assíria a todas as terras, como as destruíram totalmente; e crês tu que te livrarias?

[11]Tá a fhios agat faoi seo cad a rinne ríthe na hAsaíre le gach tír á gcur faoin mbang? An dóigh, mar sin, go dtiocfaidh tusa slán?

[12] Porventura, os deuses das nações livraram os povos que meus pais destruíram, Gozã, Harã e Rezefe e os filhos de Éden, que estavam em Telassar?

[12]Gózán, Hárán, Reizif, muintir Eidin a bhí i dTeil Asár - ar fuasclaíodh iadsan ag na déithe a bhí ag na ciníocha sin a scrios mo shinsir?

[13] Onde está o rei de Hamate, e o rei de Arpade, e o rei da cidade de Sefarvaim, de Hena e de Iva?

[13]Cá bhfuil rí Hamát, agus rí Arpád, agus rí chathair Shafarvaím, agus rí Haena, agus Íveá? ' "

A oração de Ezequias

Isaías 37.14-20

[14] Tendo Ezequias recebido a carta das mãos dos mensageiros, leu-a; então, subiu à Casa do SENHOR, estendeu-a perante o SENHOR

[14]Ghlac Hiziciá an litir as lámha na dteachtairí agus léigh sé í. Chuaigh sé suas chuig Teampall an Tiarna ansin agus leath sé an litir amach os comhair an Tiarna.

[15] e orou perante o SENHOR, dizendo: Ó SENHOR, Deus de Israel, que estás entronizado acima dos querubins, tu somente és o Deus de todos os reinos da terra; tu fizeste os céus e a terra.

[15]Agus dúirt Hiziciá an urnaí seo i láthair an Tiarna: "A Thiarna na Slua, a Dhia Iosrael, atá i do shuí sa chathaoir ríoga ar na ceiribíní, is tusa amháin Dia ríochtaí uile an domhain; is tusa a rinne neamh agus talamh.

[16] Inclina, ó SENHOR, o ouvido e ouve; abre, SENHOR, os olhos e vê; ouve todas as palavras de Senaqueribe, as quais ele enviou para afrontar o Deus vivo.

[16]Claon do chluas, a Thiarna, agus éist. Oscail do shúile, a Thiarna, agus feic. Éist le briathra Shanaichéiríb A chuir sé a mhaslú Dé bheo.

[17] Verdade é, SENHOR, que os reis da Assíria assolaram todas as nações e suas terras

[17]"Is fíor, a Thiarna, gur dhíothaigh ríthe na hAsaíre na náisiúin (agus a dtíortha).

[18] e lançaram no fogo os deuses deles, porque deuses não eram, senão obra de mãos de homens, madeira e pedra; por isso, os destruíram.

[18]Chaith siad a ndéithe isteach sa tine, mar nár dhéithe ar bith iad sin, ach saothar lámh daonna, déanta as adhmad agus cloch; agus ar an ábhar sin scriosadh iad.

[19] Agora, pois, ó SENHOR, nosso Deus, livra-nos das suas mãos, para que todos os

[19]Ach anois, a Thiarna, a Dhia linn, saor sinne óna láimh, impím ort, i dtreo go

reinos da terra saibam que só tu és o SENHOR Deus.

O profeta conforta a Ezequias
Isaías 37.21-35

[20] Então, Isaías, filho de Amoz, mandou dizer a Ezequias: Assim diz o SENHOR, o Deus de Israel: Quanto ao que me pediste acerca de Senaqueribe, rei da Assíria, eu te ouvi,

[21] e esta é a palavra que o SENHOR falou a respeito dele: A virgem, filha de Sião, te despreza e zomba de ti; a filha de Jerusalém meneia a cabeça por detrás de ti.

[22] A quem afrontaste e de quem blasfemaste? E contra quem alçaste a voz e arrogantemente ergueste os olhos? Contra o Santo de Israel.

[23] Por meio dos teus mensageiros, afrontaste o SENHOR e disseste: Com a multidão dos meus carros subi ao cimo dos montes, ao mais interior do Líbano; deitarei abaixo os seus altos cedros e seus ciprestes escolhidos, chegarei a suas pousadas extremas, ao seu denso e fértil pomar.

[24] Eu mesmo cavei, e bebi as águas de estrangeiros, e com as plantas de meus pés sequei todos os rios do Egito.

[25] Acaso, não ouviste que já há muito dispus eu estas coisas, já desde os dias remotos o tinha planejado? Agora, porém, as faço executar e eu quis que tu reduzisses a montões de ruínas as cidades fortificadas.

mbeadh a fhios ag ríochtaí uile na cruinne gur tusa amháin is Dia, a Thiarna.”

Fáistine Íseáia

[20]Ansin chuir Íseáia mac Ámóz scéala chuig Hiziciá. Dúirt sé: “Seo mar a deir an Tiarna Dia Iosrael: ‘Chuala mé an achainí a rinne tú orm faoi Shanaichéiríb rí na hAsaíre.’

[21]Seo é an focal a labhair an Tiarna faoi dtaobh de: ‘Tá drochmheas aici ort, agus is beag uirthi thú an ógh, iníon Shión; croitheann sí a ceann ar do chúla, iníon Iarúsailéim.

[22]Cé dó ar thug tú masla agus tarcaisne? Cé hé ar ardaigh tú do ghlór ina aghaidh Agus ar fhéach tú suas air le huaill do shúl? Aon Naofa Iosrael!

[23]Thug tú aithis don Tiarna trí do theachtairí; dúirt tú: Le mo shluaite carbad ghabh mé suas ar bheanna na sléibhte, ar bheanna buaice na Liobáine. Ghearr mé anuas na céadair is airde ann, tógha a chufróg. Ghabh mé isteach ina ascaillí cúil agus i ndoimhne a fhoraoise.

[24]Thochail mé toibreacha agus d'ól mé uiscí coigríocha. Thiormaigh sruthanna na hÉigipte faoi thrácht mo chos.

[25]Ar chuala tú? Fadó a chinn mé air agus bheartaigh mé ó na cianta a bhfuil á chur i gcrích anois agam. Ba é do ghnó na cathracha daingne a leagan ar lár ina bhfothracha.

[26] Por isso, os seus moradores, debilitados, andaram cheios de temor e envergonhados; tornaram-se como a erva do campo, e a erva verde, e o capim dos telhados, e o cereal queimado antes de amadurecer.

[27] Mas eu conheço o teu assentar, e o teu sair, e o teu entrar, e o teu furor contra mim.

[28] Por causa do teu furor contra mim e porque a tua arrogância subiu até aos meus ouvidos, eis que porei o meu anzol no teu nariz e o meu freio na tua boca e te farei voltar pelo caminho por onde vieste.

[29] Isto te será por sinal: este ano, se comerá o que espontaneamente nascer e, no segundo ano, o que daí proceder; no terceiro ano, porém, semeai, e colhei, e plantai vinhas, e comei os seus frutos.

[30] O que escapou da casa de Judá e ficou de resto tornará a lançar raízes para baixo e dará fruto por cima;

[31] porque de Jerusalém sairá o restante, e do monte Sião, o que escapou. O zelo do SENHOR fará isto.

[32] Pelo que assim diz o SENHOR acerca do rei da Assíria: Não entrará nesta cidade, nem lançará nela flecha alguma, não virá perante ela com escudo, nem há de levantar tranqueiras contra ela.

[26]Tá a lucht cónaithe fágtha gan neart, faoi uafás agus faoi mhearbhall. Is cuma iad nó lusra an bháin, nó féar leochaileach, nó féar ar dhíon tí nó i móinéar á shuaitheadh [ag an ngaoth anoir].

[27]Is eol dom nuair a éiríonn tú agus nuair a shuíonn tú, nuair a ghabhann tú amach agus isteach.

[28]De bhrí gur éirígh tú amach le fraoch i mo choinne, agus gur chuala mo chluas uaill d'uabhair, cuirfidh mé m'fháinne ar do shrón, agus mo bhéalbhach i do bhéal, agus cuirfidh mé d'iallach ort filleadh ar ais ar an mbóthar ar ar tháinig tú.

[29]Agus beidh sé seo mar chomhartha agat: i mbliana íosfaidh sibh an grán a fhásfaidh uaidh féin, agus an bhliain seo chugainn a bhfásfaidh as sin ar an mbán. Ach cuirigí síol agus bainigí fómhar an tríú bliain, saothraígí fíonghoirt agus ithigí a dtoradh.

[30]An t-iarmhar a fhágfar de theaghlach Iúdá, cuirfidh sé fréamha úra amach thíos agus torthaí thuas.

[31]Óir rachaidh iarmhar amach as Iarúsailéim agus fuíoll áir ó Chnoc Shíón. Dúthracht an Tiarna a chuirfidh é sin i gcrích.’

[32]“Seo mar a deir an Tiarna faoi rí na hAsaíre: ‘Ní thiocfaidh sé isteach sa chathair seo, Ná ní scaoilfidh sé saighead léi, Ná ní sheasfaidh ina coinne le sciath, Ná ní thógfaidh múr léigir ina haghaidh.

33 Pelo caminho por onde vier, por esse voltará; mas, nesta cidade, não entrará, diz o SENHOR.

34 Porque eu defenderei esta cidade, para a livrar, por amor de mim e por amor de meu servo Davi.

33Fillfidh sé an bealach a tháinig, ní thiocfaidh sé isteach sa chathair seo, a deir an Tiarna.

34Déanfaidh mé an chathair seo a chosaint agus a fhuascailt, ar mo shon féin, agus ar son Dháiví, mo shearbhónta.' ”

A destruição do exército dos assírios

2 Crônicas 32.21; Isaías 37.36-38

35 Então, naquela mesma noite, saiu o Anjo do SENHOR e feriu, no arraial dos assírios, cento e oitenta e cinco mil; e, quando se levantaram os restantes pela manhã, eis que todos estes eram cadáveres.

35An oíche cheannann chéanna ghabh aingeal an Tiarna amach agus bhásaigh sé céad agus a hochtó cúig míle fear i gcampa na nAsaíreach. Go moch lá arna mhárach nuair a bhí sé in am éirí, b'shiúd ansin iad go léir faon marbh.

36 Retirou-se, pois, Senaqueribe, rei da Assíria, e se foi; voltou e ficou em Nínive.

36Scor Sanaichéiríb a champa agus d'imigh; d'fhill sé abhaile agus chuir sé faoi i Nínivé.

37 Sucedeu que, estando ele a adorar na casa de Nisroque, seu deus, Adrameleque e Sarezer, seus filhos, o feriram à espada; e fugiram para a terra de Ararate; e Esar-Hadom, seu filho, reinou em seu lugar.

37Agus tharla agus é ag adhradh i dteampall a dhé féin Niosroc, gur mharaigh a mhic féin, Adraimeilic agus Seaireizir, é le faobhar claímh agus theith siad go tír Ararat. Tháinig a mhac Éasarchadon i gcomharbacht air.

2 Reis 20

A doença de Ezequias e a sua cura maravilhosa

2 Crônicas 32.24; Isaías 38.1-8

1 Naqueles dias, Ezequias adoeceu de uma enfermidade mortal; veio ter com ele o profeta Isaías, filho de Amoz, e lhe disse: Assim diz o SENHOR: Põe em ordem a tua casa, porque morrerás e não viverás.

2 Então, virou Ezequias o rosto para a parede e orou ao SENHOR, dizendo:

2 Ríthe 20

Hiziciá á Leigheas

1Sna laethanta úd buaileadh Hiziciá tinn agus bhí sé i mbéal báis. Tháinig an fáidh Íseáia mac Ámóz chuige agus dúirt leis: “Mar seo a deir an Tiarna: ‘Cuir eagar ar do chúraimí, mar gheobhaidh tú bás gan téarnamh.' ”

2D'iompaigh Hiziciá a aghaidh ar an mballa agus chuir sé an ghuí seo chun an Tiarna:

[3] Lembra-te, SENHOR, peço-te, de que andei diante de ti com fidelidade, com inteireza de coração, e fiz o que era reto aos teus olhos; e chorou muitíssimo.

[3]“Cuimhnigh, impím ort, mar a d'iompair mé mé féin go dílis agus le dúthracht chroí i do láthair agus a rinne mé an ceart i do láthair.” Agus ghoil Hizicia go fuíoch.

[4] Antes que Isaías tivesse saído da parte central da cidade, veio a ele a palavra do SENHOR, dizendo:

[4]Sula raibh an chúirt mheánach fágtha ag Íseáia tháinig focal an Tiarna chuige:

[5] Volta e dize a Ezequias, príncipe do meu povo: Assim diz o SENHOR, o Deus de Davi, teu pai: Ouvi a tua oração e vi as tuas lágrimas; eis que eu te curarei; ao terceiro dia, subirás à Casa do SENHOR.

[5]“Cas ar do sháil agus abair le Hizicia, prionsa mo phobail: ‘Seo mar a deir an Tiarna, Dia Dháiví do shinsear: Chuala mé do ghuí agus chonaic mé do dheora. Déanfaidh mé thú a leigheas; faoi cheann trí lá rachaidh tú suas go Teampall an Tiarna.

[6] Acrescentarei aos teus dias quinze anos e das mãos do rei da Assíria te livrarei, a ti e a esta cidade; e defenderei esta cidade por amor de mim e por amor de Davi, meu servo.

[6]Tabharfaidh mé cúig bliana déag d'fhad saoil duit. Déanfaidh mé thusa agus an chathair seo a fhuascailt ó láimh rí na hAsaíre, agus déanfaidh mé an chathair seo a chosaint ar mo shon féin agus ar son mo shearbhónta Dáiví.’ ”

[7] Disse mais Isaías: Tomai uma pasta de figos; tomaram-na e a puseram sobre a úlcera; e ele recuperou a saúde.

[7]Dúirt Íseáia: “Tugtar ceirín figí anseo, agus [tógtar agus cuirtear leis an neascóid é le go leigheasfaí] an rí.”

[8] Ezequias disse a Isaías: Qual será o sinal de que o SENHOR me curará e de que, ao terceiro dia, subirei à Casa do SENHOR?

[8]Dúirt Hizicia le hÍseáia: “Cén comhartha a inseoidh dom go leigheasfaidh an Tiarna mé agus go mbeidh mé ag dul suas go Teampall an Tiarna faoi cheann trí lá?”

[9] Respondeu Isaías: Ser-te-á isto da parte do SENHOR como sinal de que ele cumprirá a palavra que disse: Adiantar-se-á a sombra dez graus ou os retrocederá?

[9]“Seo é an comhartha ón Tiarna,” arsa Íseáia, “go ndéanfaidh sé mar atá ráite aige; arbh fhearr leat an scáth a dhul deich gcéim i bhfad, nó a dhul deich gcéim ar gcúl?”

[10] Então, disse Ezequias: É fácil que a sombra adiante dez graus; tal, porém, não aconteça; antes, retroceda dez graus.

[10]“Is furasta don scáth dul deich gcéim i bhfad,” arsa Hizicia; “téadh sé ar gcúl, más ea, deich gcéim.”

[11] Então, o profeta Isaías clamou ao SENHOR; e fez retroceder dez graus a sombra lançada pelo sol declinante no relógio de Acaz.

A embaixada da Babilônia
Isaías 39.1-8

[12] Nesse tempo, Merodaque-Baladã, filho de Baladã, rei da Babilônia, enviou cartas e um presente a Ezequias, porque soube que estivera doente.

[13] Ezequias se agradou dos mensageiros e lhes mostrou toda a casa do seu tesouro, a prata, o ouro, as especiarias, os óleos finos, o seu arsenal e tudo quanto se achava nos seus tesouros; nenhuma coisa houve, nem em sua casa, nem em todo o seu domínio que Ezequias não lhes mostrasse.

[14] Então, Isaías, o profeta, veio ao rei Ezequias e lhe disse: Que foi que aqueles homens disseram e donde vieram a ti? Respondeu Ezequias: De uma terra longínqua vieram, da Babilônia.

[15] Perguntou ele: Que viram em tua casa? Respondeu Ezequias: Viram tudo quanto há em minha casa; coisa nenhuma há nos meus tesouros que eu não lhes mostrasse.

[16] Então, disse Isaías a Ezequias: Ouve a palavra do SENHOR:

[17] Eis que virão dias em que tudo quanto houver em tua casa, com o que entesouraram teus pais até ao dia de hoje, será levado para a Babilônia; não ficará coisa alguma, disse o SENHOR.

[11]Ghlaoigh an fáidh Íseáia ansin chun an Tiarna agus thug seisean an scáth deich gcéim ar gcúl [ar chéimeanna] Áchaz.

Toscaireacht ón mBablóin

[12]San am sin chuir Marodac Baladán mac Bhaladán rí na Bablóine teachtairí le litreacha agus bronntanas go Hiziciá mar gur chuala sé faoina thinneas [agus faoina leigheas].

[13]Chuir sin gliondar ar Hiziciá agus thaispeáin sé a theach taisce go léir do na teachtairí, an t-airgead, an t-ór, na spíosraí, an ola luachmhar, a stóras airm chomh maith, agus gach rud a bhí ina thithe stóir. Ní raibh aon ní ina phálás ná ina chríocha go léir nár thaispeáin Hiziciá dóibh.

[14]Ansin tháinig an fáidh Íseáia go dtí Hiziciá rí agus d'fhiafraigh de: “Cad dúirt na fir seo, agus cad as ar thángadar?” D'fhreagair Hiziciá: “Thángadar ón imigéin, ón mBablóin.”

[15]Dúirt sé: “Cad a chonaic siad i do phálas?” “Chonaic siad gach rud atá i mo theach,” arsa Hiziciá. “Níl aon ní i mo stórais nár thaispeáin mé dóibh.”

[16]Ansin dúirt Íseáia le Hiziciá:

[17]“Éist le briathar an Tiarna: ‘Féach, tiocfaidh na laethanta nuair a sciobfar chun siúil go dtí an Bhablóin gach rud atá i do phálás, gach rud a chruinnigh do shinsir go dtí an lá inniu. Ní fhágfar aon ní, ’ arsa an Tiarna.

[18] Dos teus próprios filhos, que tu gerares, tomarão, para que sejam eunucos no palácio do rei da Babilônia.

[19] Então, disse Ezequias a Isaías: Boa é a palavra do SENHOR que disseste. Pois pensava: Haverá paz e segurança em meus dias.

A morte de Ezequias
2 Crônicas 32.32-33

[20] Quanto aos mais atos de Ezequias, e todo o seu poder, e como fez o açude e o aqueduto, e trouxe água para dentro da cidade, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Judá?

[21] Descansou Ezequias com seus pais; e Manassés, seu filho, reinou em seu lugar.

2 Reis 21

O reinado de Manassés, de Judá
2 Crônicas 33.1-9

[1] Tinha Manassés doze anos de idade quando começou a reinar e reinou cinqüenta e cinco anos em Jerusalém. Sua mãe chamava-se Hefzibá.

[2] Fez ele o que era mau perante o SENHOR, segundo as abominações dos gentios que o SENHOR expulsara de suas possessões, de diante dos filhos de Israel.
[3] Pois tornou a edificar os altos que Ezequias, seu pai, havia destruído, e levantou altares a Baal, e fez um poste-ídolo como o que fizera Acabe, rei de

[18]'Déanfar cuid de do chlann mhac a rugadh duit a bhreith chun siúil agus a roghnú le bheith ina gcoillteáin i bpálás rí na Bablóine.' "
[19]Dúirt Hiziciá le hÍseáia: "An focal seo leis an Tiarna a d'fhógair tú, is maith é," mar bhí sé á rá leis féin: "Nach cuma é? fad atá síocháin le mo ré agus sinn saor ó bhaol."

[20]An chuid eile de stair Hiziciá, a chrógacht go léir, conas mar a thóg sé an linn agus an tollán leis an uisce a thabhairt isteach sa chathair, nach bhfuil sé sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iúdá?
[21]Ansin chuaigh Hiziciá chun suain lena shinsir agus tháinig a mhac Manaise i gcomharbacht air.

2 Ríthe 21

Dhá Dhrochrí

[1]Bhí Manaise dhá bhliain déag d'aois nuair a tháinig sé i gcoróin agus bhí sé cúig bliana déag agus daichead i réim in Iarúsailéim. Heifzí Bá ab ainm dá mháthair.
[2]Rinne sé an t-olc i bhfianaise an Tiarna agus rinne aithris ar na nósanna náireacha a chleacht na ciníocha a dhíbir an Tiarna roimh chlann Iosrael.
[3]Thog sé arís na hardionaid a scrios a athair Hiziciá agus chuir sé suas altóirí do Bhál agus rinne cuaille naofa mar a rinne Acháb rí Iosrael agus thug sé ómós do

Israel, e se prostrou diante de todo o exército dos céus, e o serviu.

shluaite uile na spéire agus rinne seirbhís dóibh.

4 Edificou altares na Casa do SENHOR, da qual o SENHOR tinha dito: Em Jerusalém porei o meu nome.

4Thóg sé altóirí i dTeampall an Tiarna a ndúirt an Tiarna faoi: “In Iarúsailéim a thabharfaidh mé áit lonnaithe do m'ainm.”

5 Também edificou altares a todo o exército dos céus nos dois átrios da Casa do SENHOR.

5Thóg sé altóirí do shluaite uile na spéire i dhá chúirt Theampall an Tiarna.

6 E queimou a seu filho como sacrifício, adivinhava pelas nuvens, era agoureiro e tratava com médiuns e feiticeiros; prosseguiu em fazer o que era mau perante o SENHOR, para o provocar à ira.

6Chuir sé d'iallach ar a mhac gabháil trí thine. Chleacht sé fáistineoireacht agus draíocht agus thug sé isteach lucht asarlaíochta agus feasa. Rinne sé a lán eile oilc i bhfianaise an Tiarna á ghriogadh chun feirge.

7 Também pôs a imagem de escultura do poste-ídolo que tinha feito na casa de que o SENHOR dissera a Davi e a Salomão, seu filho: Nesta casa e em Jerusalém, que escolhi de todas as tribos de Israel, porei o meu nome para sempre;

7An íomhá ghreanta d'Aiséárá a rinne sé, chuir sé suas í sa teach a ndúirt an Tiarna le Dáiví agus le Solamh a mhac faoi: “Sa Teampall seo, agus in Iarúsailéim, an chathair a thogh mé as treibheanna Iosrael go léir, tabharfaidh mé áit lonnaithe do m'ainm go brách.

8 e não farei que os pés de Israel andem errantes da terra que dei a seus pais, contanto que tenham cuidado de fazer segundo tudo o que lhes tenho mandado e conforme toda a lei que Moisés, meu servo, lhes ordenou.

8Ní thabharfaidh mé a thuilleadh ar chosa Iosrael dul ar fán ón tír a thug mé dá sinsir ar choinníoll go gcomhlíonfaidh siad go beacht gach ar ordaigh mé dóibh de réir an dlí go léir a d'ordaigh mo shearbhónta Maois dóibh.”

9 Eles, porém, não ouviram; e Manassés de tal modo os fez errar, que fizeram pior do que as nações que o SENHOR tinha destruído de diante dos filhos de Israel.

9Ach níor éist siad agus mheall Manaise iad le níos mó oilc a dhéanamh ná na náisiúin a scrios an Tiarna roimh chlann Iosrael.

O juízo a respeito de Judá

10 Então, o SENHOR falou por intermédio dos profetas, seus servos, dizendo:

10Ansin labhair an Tiarna ó bhéal a shearbhóntaí na fáithe:

[11] Visto que Manassés, rei de Judá, cometeu estas abominações, fazendo pior que tudo que fizeram os amorreus antes dele, e também a Judá fez pecar com os ídolos dele,

[12] assim diz o SENHOR, Deus de Israel: Eis que hei de trazer tais males sobre Jerusalém e Judá, que todo o que os ouvir, lhe tinirão ambos os ouvidos.

[13] Estenderei sobre Jerusalém o cordel de Samaria e o prumo da casa de Acabe; eliminarei Jerusalém, como quem elimina a sujeira de um prato, elimina-a e o emborca.

[14] Abandonarei o resto da minha herança, entregá-lo-ei nas mãos de seus inimigos; servirá de presa e despojo para todos os seus inimigos.

[15] Porquanto fizeram o que era mau perante mim e me provocaram à ira, desde o dia em que seus pais saíram do Egito até ao dia de hoje.

[16] Além disso, Manassés derramou muitíssimo sangue inocente, até encher Jerusalém de um ao outro extremo, afora o seu pecado, com que fez pecar a Judá, praticando o que era mau perante o SENHOR.

A morte de Manassés

2 Crônicas 33.18-20

[11]"Ós rud go ndearna Manaise rí Iúdá na coireanna gráiniúla seo agus go ndearna sé nithe níos gráiniúla ná gach a ndearna na hAmóraigh a bhí roimhe, agus gur thug sé ar Iúdá féin peaca a dhéanamh lena chuid íol,

[12]seo mar a deir an Tiarna, rí Iosrael: 'Féach! tabharfaidh mé a leithéid de thubaiste ar Iarúsailéim agus ar Iúdá go gcuirfidh sé gigilt ar chluais gach duine a chluinfidh faoi.

[13]Sínfidh mé an dorú tomhais céanna ar Iarúsailéim agus ar an tSamáir agus an dorú pluma céanna le teaghlach Achāb. Déanfaidh mé Iarúsailéim a sciomradh faoi mar a dhéanfadh duine mias a sciomradh, agus a bhualadh béal faoi tar éis a sciomartha.

[14]Caithfidh mé uaim iarmhar m'oidhreachta, agus tabharfaidh mé iad i lámha a naimhde á chur d'iallach orthu bheith mar chreach agus mar éadáil ag a naimhde go léir,

[15]mar rinne siad an t-olc i m'fhianaise agus d'adhain siad m'fhearg ón lá a tháinig a sinsir amach as an Éigipt go dtí inniu féin.' "

[16]Dhoirt Manaise an oiread sin d'fhuil neamhchiontach gur líon sé Iarúsailéim ó cheann ceann, gan trácht ar na peacaí inar sheol sé Iúdá i dtreo go ndearnadar an t-olc i bhfianaise an Tiarna.

[17] Quanto aos mais atos de Manassés, e a tudo quanto fez, e ao seu pecado, que cometeu, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Judá?

[17]An chuid eile de stair Mhanaise, a imeachtaí go léir, na coireanna a rinne sé, nach bhfuil sé sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iúdá?

[18] Manassés descansou com seus pais e foi sepultado no jardim da sua própria casa, no jardim de Uzá; e Amom, seu filho, reinou em seu lugar.

[18]Ansin chuaigh Manaise chun suain lena shinsir, agus adhlacadh é i ngairdín a pháláis, gairdín Uzá; agus tháinig a mhac Ámón i gcomharbacht air.

O reinado de Amom, de Judá

2 Crônicas 33.21-25

[19] Tinha Amom vinte e dois anos de idade quando começou a reinar e reinou dois anos em Jerusalém. Sua mãe se chamava Mesulemete e era filha de Haruz, de Jotbá.

[19]Bhí Ámón dhá bhliain agus fiche d'aois nuair a tháinig sé i gcoróin, agus bhí sé dhá bhliain i réim in Iarúsailéim. Misilimit, iníon Hárúz ó Iotbá, ab ainm dá mháthair.

[20] Fez o que era mau perante o SENHOR, como fizera Manassés, seu pai.

[20]Rinne sé an t-olc i bhfianaise an Tiarna faoi mar a rinne Manaise a athair.

[21] Andou em todo o caminho em que andara seu pai, serviu os ídolos a que ele servira e os adorou.

[21]Rinne sé aithris ar a athair i ngach slí, agus é ag fónamh do na híola dar fhóin a athair, agus ag adhradh dóibh.

[22] Assim, abandonou ele o SENHOR, Deus de seus pais, e não andou no caminho do SENHOR.

[22]Thréig sé an Tiarna, Dia a shinsear, agus níor lean sé bealach an Tiarna.

[23] Os servos do rei Amom conspiraram contra ele e o mataram em sua própria casa.

[23]Rinne oifigigh Ámón comhcheilg ina aghaidh agus mharaigh é ina phálás.

[24] Porém o povo da terra feriu todos os que conspiraram contra o rei Amom e constituiu a Josias, seu filho, rei em seu lugar.

[24]Ach mharaigh muintir na tuaithe gach duine a rinne comhcheilg in aghaidh an rí Ámón, agus d'fhógair siad Ióisíá a mhac ina rí ina dhiaidh.

[25] Quanto aos mais atos de Amom e a tudo que fez, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Judá?

[25]An chuid eile de stair Ámón, a imeachtaí go léir, nach bhfuil sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iúdá?

[26] Foi ele enterrado na sua sepultura, no jardim de Uzá; e Josias, seu filho, reinou em seu lugar.

[26]Adhlacadh é i dtuama a athar i gairdín Uzá, agus tháinig a mhac Ióisíá i gcomharbacht air.

2 Reis 22

O reinado de Josias
2 Crônicas 34.1-2

[1] Tinha Josias oito anos de idade quando começou a reinar e reinou trinta e um anos em Jerusalém. Sua mãe se chamava Jedida e era filha de Adaías, de Bozcate.

[2] Fez ele o que era reto perante o SENHOR, andou em todo o caminho de Davi, seu pai, e não se desviou nem para a direita nem para a esquerda.

O rei repara o templo
2 Crônicas 34.8-13

[3] No décimo oitavo ano do seu reinado, o rei Josias mandou o escrivão Safã, filho de Azalias, filho de Mesulão, à Casa do SENHOR,

[4] dizendo: Sobe a Hilquias, o sumo sacerdote, para que conte o dinheiro que se trouxe à Casa do SENHOR, o qual os guardas da porta ajuntaram do povo;

[5] que o dêem nas mãos dos que dirigem a obra e têm a seu cargo a Casa do SENHOR, para que paguem àqueles que fazem a obra que há na Casa do SENHOR, para repararem os estragos da casa:

[6] aos carpinteiros, aos edificadores e aos pedreiros; e comprem madeira e pedras lavradas, para repararem os estragos da casa.

[7] Porém não se pediu conta do dinheiro que se lhes entregara nas mãos, porquanto procediam com fidelidade.

Hilquias acha o Livro da Lei
2 Crônicas 34.14-18

2 Ríthe 22

Ióisíá: Fáil Leabhar an Dlí

[1]Bhí Ióisíá ocht mbliana d'aois nuair a tháinig sé i gcoróin, agus bhí sé bliain agus tríocha i réim in Iarúsailéim. Idídeá, iníon Adáiá ó Bhozcat, ab ainm dá mháthair.

[2]Rinne sé an ceart i bhfianaise an Tiarna agus rinne sé aithris ar a shinsear Dáiví, gan fiaradh ar dheis ná ar chlé.

[3]San ochtú bliain déag de réimeas Ióisíá rí chuir an rí Seáfán mac Azailiá mac Mheisiulám, an rúnaí, go Teampall an Tiarna.

[4]“Téigh go Hilcíá, an t-ardsagart,” ar sé leis, “agus abair leis an t-airgead a tugadh go Teampall an Tiarna, agus é siúd a chruinnigh gardaí na tairsí ón bpobal, [a leá].

[5]Tugtar ansin é do shaoistí na n-oibreacha a bhaineann le Teampall an Tiarna le go gcaithfidís é ar an lucht oibre atá i mbun Teampall an Tiarna a dheisiú,

[6]ar na siúinéirí, is é sin, agus ar na tógálaithe, agus ar na saoir, agus chomh maith ar adhmad agus cloch ghearrtha a cheannach do dheisiú an Teampaill.

[7]Ach ní iarrfar orthu cuntas a thabhairt ar an airgead a thabharfar dóibh, mar tá siad ionraic ó bheart.”

[8] Então, disse o sumo sacerdote Hilquias ao escrivão Safã: Achei o Livro da Lei na Casa do SENHOR. Hilquias entregou o livro a Safã, e este o leu.

[8]Dúirt Hilcíá, an t-ardsagart, le Seáfán, an rúnaí: "Fuair mé leabhar an dlí i dTeampall an Tiarna." Agus thug Hilcíá an leabhar do Sheáfán agus léigh seisean é.

[9] Então, o escrivão Safã veio ter com o rei e lhe deu relatório, dizendo: Teus servos contaram o dinheiro que se achou na casa e o entregaram nas mãos dos que dirigem a obra e têm a seu cargo a Casa do SENHOR.

[9]Chuaigh Seáfán an rúnaí go dtí an rí agus seo mar a d'aithris sé dó: "Rinne do shearbhóntaí," ar seisean, "an t-airgead a bhí sa Teampall a leá, agus thug siad é do na saoistí ar na hoibreacha a bhaineann le Teampall an Tiarna."

[10] Relatou mais o escrivão Safã ao rei, dizendo: O sacerdote Hilquias me entregou um livro. E Safã o leu diante do rei.

[10]Ansin d'inis Seáfán, an rúnaí, don rí: "Tá Hilcíá, an sagart, tar éis leabhar a bhronnadh orm," agus léigh Seáfán os ard i láthair an rí é.

Josias manda consultar a profetisa Hulda
2 Crônicas 34.19-28

[11] Tendo o rei ouvido as palavras do Livro da Lei, rasgou as suas vestes.

[11]Nuair a bhí a raibh i leabhar an dlí cloiste ag an rí stróic sé a chuid éadaigh.

[12] Ordenou o rei a Hilquias, o sacerdote, a Aicão, filho de Safã, a Acbor, filho de Micaías, a Safã, o escrivão, e a Asaías, servo do rei, dizendo:

[12]Ansin thug an rí an t-ordú seo leanas do Hilcíá, an sagart, d'Aichíceám mac Sheáfán, d'Acbór mac Mhícáiá, do Sheáfán, an rúnaí, agus d'Asáiá, searbhónta an rí:

[13] Ide e consultai o SENHOR por mim, pelo povo e por todo o Judá, acerca das palavras deste livro que se achou; porque grande é o furor do SENHOR que se acendeu contra nós, porquanto nossos pais não deram ouvidos às palavras deste livro, para fazerem segundo tudo quanto de nós está escrito.

[13]"Gabhaigí i gcomhairle leis an Tiarna thar mo cheann féin agus thar ceann an phobail i dtaobh a bhfuil sa leabhar seo a fuarthas anois beag. Ní foláir nó is mór atá fearg an Tiarna fadaithe inár n-aghaidh de bhrí nach raibh ár n-aithreacha umhal d'fhocail an leabhair seo agus nár chuir siad gach rud i gcrích atá scríofa ann."

[14] Então, o sacerdote Hilquias, Aicão, Acbor, Safã e Asaías foram ter com a profetisa Hulda, mulher de Salum, o guarda-roupa, filho de Ticva, filho de

[14]Chuaigh Hilcíá, an sagart, agus Aichíceám, agus Seáfán, agus Asáiá go dtí Huldá an banfháidh, bean Shealúm mac Thicveá mac Harchas, coimeádaí na n-éidí

Harás, e lhe falaram. Ela habitava na cidade baixa de Jerusalém.

[15] Ela lhes disse: Assim diz o SENHOR, o Deus de Israel: Dizei ao homem que vos enviou a mim:

[16] Assim diz o SENHOR: Eis que trarei males sobre este lugar e sobre os seus moradores, a saber, todas as palavras do livro que leu o rei de Judá.

[17] Visto que me deixaram e queimaram incenso a outros deuses, para me provocarem à ira com todas as obras das suas mãos, o meu furor se acendeu contra este lugar e não se apagará.

[18] Porém ao rei de Judá, que vos enviou a consultar o SENHOR, assim lhe direis: Assim diz o SENHOR, o Deus de Israel, acerca das palavras que ouviste:

[19] Porquanto o teu coração se enterneceu, e te humilhaste perante o SENHOR, quando ouviste o que falei contra este lugar e contra os seus moradores, que seriam para assolação e para maldição, e rasgaste as tuas vestes, e choraste perante mim, também eu te ouvi, diz o SENHOR.

[20] Pelo que, eis que eu te reunirei a teus pais, e tu serás recolhido em paz à tua sepultura, e os teus olhos não verão todo o mal que hei de trazer sobre este lugar. Então, levaram eles ao rei esta resposta.

(bhí cónaí uirthi in Iarúsailéim, sa bhaile nua), agus chuir siad an scéal faoina bráid.

[15]D'fhreagair sí iad: “Deir an Tiarna, Dia Iosrael, mar leanas: ‘Abraigí é seo leis an té a chuir chugam sibh:

[16]Seo mar a deir an Tiarna: Tá tubaiste á tabhairt agam ar an áit seo agus ar an muintir a chónaíonn ann, agus mé ag cur gach a ndeirtear sa leabhar a léigh rí Iúdá i gcrích;

[17]mar thréig siad mise agus dhóigh siad túis do dhéithe eile do mo ghriogadh chun feirge i ngach beart dá ndearna siad. Uime sin tá m'fhearg ar lasadh in aghaidh na háite seo, agus ní dhéanfar í a mhúchadh.

[18]Agus abraigí le rí Iúdá a chuir sibh le dul i gcomhairle leis an Tiarna: Mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael: [Comhlíonfar] na focail a chuala sibh.

[19]Ach de bhrí go bhfuil aithrí i do chroí agus gur umhlaigh tú thú féin os comhair an Tiarna nuair a chuala tú cad a chinn mé in aghaidh na háite seo agus a lucht cónaithe, conas mar a bheidh siad ina gceap uafáis agus mallacht; agus de bhrí gur stróic tú d'éidí agus gur ghoil tú i mo láthair, thug mise cluas duit - sé an Tiarna atá ag caint.

[20]Dá bhrí sin déanfaidh mé thú a chruinniú chun do shinsear, agus déanfar do chnámha a bhreith faoi shuaimhneas chun na huaighe. Ní fheicfidh tú le do shúile cinn na tubaistí go léir atá ar aigne agam a thabhairt ar an áit seo.’ ” Thugadar an freagra sin leo ar ais go dtí an rí.

2 Reis 23

Josias renova a aliança ante o Senhor
2 Crônicas 34.29-33

[1] Então, deu ordem o rei, e todos os anciãos de Judá e de Jerusalém se ajuntaram a ele.

[2] O rei subiu à Casa do SENHOR, e com ele todos os homens de Judá, todos os moradores de Jerusalém, os sacerdotes, os profetas e todo o povo, desde o menor até ao maior; e leu diante deles todas as palavras do Livro da Aliança que fora encontrado na Casa do SENHOR.

[3] O rei se pôs em pé junto à coluna e fez aliança ante o SENHOR, para o seguirem, guardarem os seus mandamentos, os seus testemunhos e os seus estatutos, de todo o coração e de toda a alma, cumprindo as palavras desta aliança, que estavam escritas naquele livro; e todo o povo anuiu a esta aliança.

A purificação do templo e do culto
2 Crônicas 34.3-7

[4] Então, o rei ordenou ao sumo sacerdote Hilquias, e aos sacerdotes da segunda ordem, e aos guardas da porta que tirassem do templo do SENHOR todos os utensílios que se tinham feito para Baal, e para o poste-ídolo, e para todo o exército dos céus, e os queimou fora de Jerusalém, nos campos de Cedrom, e levou as cinzas deles para Betel.

2 Ríthe 23

Athnuachan agus Leasú

[1]Ansin chruinnigh an rí chuige féin seanóirí Iúdá agus Iarúsailéim go léir.

[2]Chuaigh an rí suas go Teampall an Tiarna mar aon le pobal uile Iúdá agus muintir Iarúsailéim ar fad, idir shagairt agus fháithe agus an pobal ar fad idir uasal agus íseal. Léigh sé amach in éisteacht a gcluas gach focal dá raibh scríofa i leabhar an chonartha a fuarthas i dTeampall an Tiarna.

[3]Sheas an rí ar an ardán agus rinne sé conradh i láthair an Tiarna a chur mar cheangal air féin an Tiarna a leanúint agus a aitheanta agus a reachtanna agus a dhlíthe a chomhlíonadh lena chroí go hiomlán, agus lena anam go hiomlán, ionas go mbeadh éifeacht le briathra an chonartha a bhí scríofa sa leabhar sin. D'aontaigh an pobal ar fad leis an gconradh.

[4]Thug an rí ordú don ardsagart Hilcíá, [don leasardsagart], agus do ghardaí na tairsí, na soithí a rinneadh do Bhál, d'Aiséará agus do shluaite uile na spéire a chur amach as Teampall an Tiarna; agus dhóigh sé iad lasmuigh de Iarúsailéim i ngoirt an Chidreon, agus thug a luaithreach go Béitéil.

[5] Também destituiu os sacerdotes que os reis de Judá estabeleceram para incensarem sobre os altos nas cidades de Judá e ao redor de Jerusalém, como também os que incensavam a Baal, ao sol, e à lua, e aos mais planetas, e a todo o exército dos céus.

[5]Chuir sé chun siúil na sagairt bhréige a cheap ríthe Iúdá agus a bhíodh ag ofráil íobairtí ar na hardionaid i mbailte Iúdá, agus i gcomharsanacht Iarúsailéim; agus chomh maith leo, iad siúd a bhíodh ag dó túise do Bhál, don ghrian, don ghealach, do na plainéid agus do shluaite uile na spéire.

[6] Também tirou da Casa do SENHOR o poste-ídolo, que levou para fora de Jerusalém até ao vale de Cedrom, no qual o queimou e o reduziu a pó, que lançou sobre as sepulturas do povo.

[6]Thug sé an tAiséárá amach as Teampall an Tiarna, lasmuigh de Iarúsailéim, go Gleann Chidreon, agus dhóigh sé é i nGleann Chidreon, agus rinne luaithreach de agus chaith a chuid luaithrigh ar uaigheanna na cosmhuintire.

[7] Também derribou as casas da prostituição-cultual que estavam na Casa do SENHOR, onde as mulheres teciam tendas para o poste-ídolo.

[7]Leag sé tithe na striapacha naofa fir a bhí i dTeampall an Tiarna mar a mbíodh na mná ag fí brat d'Aiséárá.

[8] A todos os sacerdotes trouxe das cidades de Judá e profanou os altos em que os sacerdotes incensavam, desde Geba até Berseba; e derribou os altares das portas, que estavam à entrada da porta de Josué, governador da cidade, à mão esquerda daquele que entrava por ela.

[8]Thug sé isteach na sagairt go léir as cathracha Iúdá agus thruailligh sé na hardionaid mar a ndódh na sagairt sin túis, ó Gheaba go Béar Seaba. Scartáil sé scrín na satairí a bhí ag geata Iósua, rialtóir na cathrach, a bhí ar do chlé ag dul geata na cathrach isteach.

[9] (Mas os sacerdotes dos altos não sacrificavam sobre o altar do SENHOR, em Jerusalém; porém comiam pães asmos no meio de seus irmãos.)

[9]Níor tháinig sagairt na n ardionad, ámh, suas go haltóir an Tiarna in Iarúsailéim, ach d'ithidís arán gan ghabháile i dteannta a gcomhshagart.

[10] Também profanou a Tofete, que está no vale dos filhos de Hinom, para que ninguém queimasse a seu filho ou a sua filha como sacrifício a Moloque.

[10]Thruailligh sé an fhoirnéis i nGleann Bein Hionnom i dtreo nárbh fhéidir d'aon duine a mhac nó a iníon a chur tríd an tine in ómós do Mhoilic.

[11] Também tirou os cavalos que os reis de Judá tinham dedicado ao sol, à entrada da

[11]Chuir sé ar shiúl na capaill a bhí tíolactha ag ríthe Iúdá don ghrian ag an

Casa do SENHOR, perto da câmara de Natã-Meleque, o camareiro, a qual ficava no átrio; e os carros do sol queimou.

tslí isteach go Teampall an Tiarna, in aice le seomra Natan Meilic, an coillteán, ar an taobh istigh, agus dhóigh sé carbad na gréine.

12 Também o rei derribou os altares que estavam sobre a sala de Acaz, sobre o terraço, altares que foram feitos pelos reis de Judá, como também os altares que fizera Manassés nos dois átrios da Casa do SENHOR; e, esmigalhados, os tirou dali e lançou o pó deles no ribeiro de Cedrom.

12Na haltóirí ar an díon (ar sheomra uachtair Áchaz) a rinne ríthe Iúdá, agus na haltóirí a thóg an rí Manaise i dhá chúirt Theampall an Tiarna, leag an rí anuas iad agus rinne smidiríní díobh ar an láthair agus chaith a luaithreach isteach i nGleann Chidreon.

13 O rei profanou também os altos que estavam defronte de Jerusalém, à mão direita do monte da Destruição, os quais edificara Salomão, rei de Israel, para Astarote, abominação dos sidônios, e para Quemos, abominação dos moabitas, e para Milcom, abominação dos filhos de Amom.

13Thruailligh an rí na hardionaid os comhair Iarúsailéim laisteas do Chnoc na nOlóg; Solamh rí Iosrael a thóg iadsan do Aisteartae, gráiniúlacht na Síodónach, do Chamóis gráiniúlacht Mhóáb, agus do Mhiolcom gráiniúlacht na nAmónach.

14 Semelhantemente, fez em pedaços as colunas e cortou os postes-ídolos; e o lugar onde estavam encheu ele de ossos humanos.

14Rinne sé bruscar de na colúin naofa, ghearr anuas na cuaillí naofa, agus chlúdaigh na háiteanna ar ar sheas siad le cnámha daoine.

Profanado e derribado o altar de Betel

15 Também o altar que estava em Betel e o alto que fez Jeroboão, filho de Nebate, que tinha feito pecar a Israel, esse altar junto com o alto o rei derribou; destruiu o alto, reduziu a pó o seu altar e queimou o poste-ídolo.

Leasú sa Tuaisceart

15Agus maidir leis an altóir ag Béitéil, an t-ardionad a thóg Iarobám mac Nabát an té a threoraigh Iosrael isteach sa pheaca, scartáil sé an altóir sin agus an t-ardionad agus rinne sé smidiríní dá clocha; agus bhris ina smúit iad. Agus dhóigh sé an cuaille naofa.

16 Olhando Josias ao seu redor, viu as sepulturas que estavam ali no monte; mandou tirar delas os ossos, e os queimou sobre o altar, e assim o profanou, segundo a palavra do SENHOR, que apregoara o

16Nuair a d'fhéach Ióisíá ina thimpeall chonaic sé na tuamaí ansiúd ar thaobh an chnoic; chuir sé fios ar na cnámha as an tuamaí agus dhóigh iad ar an altóir, agus thruailligh í de réir bhriathar an Tiarna a d'fhógair an giolla Dé [nuair a bhí Iarobám

homem de Deus que havia anunciado estas coisas.

ina sheasamh ag an altóir le linn na féile. Nuair a d'fhéach Ióisíá ina thimpeall, chonaic sé tuama an ghiolla Dé] a thairngir na nithe sin.

[17] Então, perguntou: Que monumento é este que vejo? Responderam-lhe os homens da cidade: É a sepultura do homem de Deus que veio de Judá e apregoou estas coisas que fizeste contra o altar de Betel.

[17]"Cén leacht é sin thall os mo chomhair?" ar sé. D'fhreagair muintir na cathrach é: "Sin é tuama an ghiolla Dé a tháinig ó Iúdá agus a thairngir na nithe sin a rinne tusa leis an altóir (i mBéitéil)."

[18] Josias disse: Deixai-o estar; ninguém mexa nos seus ossos. Assim, deixaram estar os seus ossos com os ossos do profeta que viera de Samaria.

[18]"Ligigí dó," arsa an rí, "agus ná cuireadh aon duine isteach ar a chnámha." Níor chuir siad isteach ar a chnámha ach iad a fhágáil ansiúd mar aon le cnámha an fháidh ón tSamáir.

[19] Também tirou Josias todos os santuários dos altos que havia nas cidades de Samaria e que os reis de Israel tinham feito para provocarem o SENHOR à ira; e lhes fez segundo todos os atos que tinha praticado em Betel.

[19]Scrios Ióisíá chomh maith scrínte na n-ardionad a bhí i gcathracha na Samáire a thóg ríthe Iosrael, agus lenar ghriog siad an Tiarna chun feirge; thug sé an íde chéanna orthusan agus a thug sé ar an gceann i mBéitéil.

[20] E matou todos os sacerdotes dos altos que havia ali, sobre os altares, e queimou ossos humanos sobre eles; depois, voltou para Jerusalém.

[20]Chuir sé chun báis ar na haltóirí sagairt uile na n-ardionad a bhí ansiúd, agus loisc sé cnámha daoine orthu. Ansin d'fhill sé go Iarúsailéim.

A celebração da Páscoa

2 Crônicas 35.1-19

Ceiliúradh na Cásca: Críoch: Bás

[21] Deu ordem o rei a todo o povo, dizendo: Celebrai a Páscoa ao SENHOR, vosso Deus, como está escrito neste Livro da Aliança.

[21]Thug an rí an t-ordú seo don phobal go léir: "Ceiliúraigí Cáisc in onóir an Tiarna bhur nDia, mar atá scríofa i leabhar an chonartha."

[22] Porque nunca se celebrou tal Páscoa como esta desde os dias dos juízes que julgaram Israel, nem durante os dias dos reis de Israel, nem nos dias dos reis de Judá.

[22]Níor ceiliúradh a leithéid de Cháisc ó laethanta na mbreithiúna a bhí ag rialú Iosrael, ná le linn réimeas na ríthe go léir a bhí ar Iosrael ná ar Iúdá.

[23] Corria o ano décimo oitavo do rei Josias, quando esta Páscoa se celebrou ao SENHOR, em Jerusalém.

A piedade de Josias

[24] Aboliu também Josias os médiuns, os feiticeiros, os ídolos do lar, os ídolos e todas as abominações que se viam na terra de Judá e em Jerusalém, para cumprir as palavras da lei, que estavam escritas no livro que o sacerdote Hilquias achara na Casa do SENHOR.

[25] Antes dele, não houve rei que lhe fosse semelhante, que se convertesse ao SENHOR de todo o seu coração, e de toda a sua alma, e de todas as suas forças, segundo toda a Lei de Moisés; e, depois dele, nunca se levantou outro igual.

[26] Nada obstante, o SENHOR não desistiu do furor da sua grande ira, ira com que ardia contra Judá, por todas as provocações com que Manassés o tinha irritado.

[27] Disse o SENHOR: Também a Judá removerei de diante de mim, como removi Israel, e rejeitarei esta cidade de Jerusalém, que escolhi, e a casa da qual eu dissera: Estará ali o meu nome.

A morte de Josias
2 Crônicas 35.20-27

[28] Quanto aos mais atos de Josias e a tudo quanto fez, porventura, não estão escritos no Livro da História dos Reis de Judá?

[29] Nos dias de Josias, subiu Faraó-Neco, rei do Egito, contra o rei da Assíria, ao rio

[23]Níor ceiliúradh a leithéid de Cháisc riamh in onóir an Tiarna i Iarúsailéim ach amháin san ochtú bliain déag de réimeas Ióisíá rí.

[24]Scuab Ióisíá chun siúil leis an lucht asarlaíochta agus feasa, na déithe teallaigh agus na híola agus na gráiniúlachtaí go léir a bhíodh le feiceáil i dtír Iúdá agus in Iarúsailéim; rinne sé é sin go léir d'fhonn briathra an dlí go léir a bhí scríofa sa leabhar a fuair an sagart Hilcíá i dTeampall an Tiarna a chur i bhfeidhm.

[25]Níor iompaigh aon rí dar ghabh roimhe chun an Tiarna mar a rinne seisean ó chroí go hiomlán agus ó anam go hiomlán, agus ó neart go hiomlán, le barr dílseachta do dhlí uile Mhaois; ná níor tháinig a leithéid de rí riamh ina dhiaidh.

[26]Ach níor mhaolaigh ar fhraoch feirge an Tiarna a bhí ar lasadh in aghaidh Iúdá de bharr a raibh de ghriogadh déanta ag Manaise faoi.

[27]Dúirt an Tiarna: “Tiomáinfidh mé Iúdá as mo radharc chomh maith, faoi mar a rinne mé le hIosrael agus caithfidh mé i leataobh an chathair seo a thogh mé, Iarúsailéim, agus an Teampall a ndúirt mé faoi: ‘Ansin a lonnóidh m'ainm.’ ”

[28]An chuid eile de stair Ióisíá, a imeachtaí go léir, nach bhfuil sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe Iúdá?

[29]Lena linn ghabh Forann Neaco, rí na hÉigipte, an bealach go dtí rí na hAsaíre

Eufrates; e, tendo saído contra ele o rei Josias, Neco o matou, em Megido, no primeiro encontro.

ag abhainn an Eofrataes. Chuaigh Ióisíá rí ina choinne ach mharaigh Forann Neaco é sa chéad ionsaí ag Migideo.

30 De Megido, os seus servos o levaram morto e, num carro, o transportaram para Jerusalém, onde o sepultaram no seu jazigo. O povo da terra tomou a Jeoacaz, filho de Josias, e o ungiu, e o fez rei em lugar de seu pai.

30Thug a shearbhóntaí a chorp i gcarbad leo ó Mhigideo, agus thugadar é go Iarúsailéim, agus chuireadar é ina thuama féin. Agus thóg muintir na tuaithe Iahóácház mac Ióisíá agus rinneadar é a ungadh agus a fhógairt ina rí i gcomharbacht ar a athair.

O reinado e deposição de Joacaz

2 Crônicas 36.1-4

Na Ríthe Iahóácház agus Iahóiácaím

31 Tinha Jeoacaz vinte e três anos de idade quando começou a reinar e reinou três meses em Jerusalém. Sua mãe chamava-se Hamutal e era filha de Jeremias, de Libna.

31Bhí Iahóácház trí bliana fichead d'aois nuair a tháinig sé i gcoróin, agus bhí sé trí mhí i réim in Iarúsailéim. Hamaútal, iníon Irimia ó Libneá, ab ainm dá mháthair.

32 Fez ele o que era mau perante o SENHOR, segundo tudo que fizeram seus pais.

32Rinne sé an t-olc i bhfianaise an Tiarna de réir gach a ndearna a shinsir.

33 Porém Faraó-Neco o mandou prender em Ribla, na terra de Hamate, para que não reinasse em Jerusalém; e impôs à terra a pena de cem talentos de prata e um de ouro.

33Chuir Forann Neaco i gcuibhreacha é ag Ribleá i ndúiche Hamát (agus é ina rí in Iarúsailéim) agus chuir cáin céad tallann airgid agus tallann óir ar an tír.

34 Faraó-Neco também constituiu rei a Eliaquim, filho de Josias, em lugar de Josias, seu pai, e lhe mudou o nome para Jeoaquim; porém levou consigo para o Egito a Jeoacaz, que ali morreu.

34Rinne Forann Neaco rí de Eiliácaím mac Ióisíá in áit Ióisíá a athair, agus d'athraigh sé a ainm go Iahóiácaím. Ach rug sé Iahóácház leis agus thug chun na hÉigipte é mar a bhfuair sé bás.

35 Jeoaquim deu aquela prata e aquele ouro a Faraó; porém estabeleceu imposto sobre a terra, para dar esse dinheiro segundo o mandado de Faraó; do povo da terra exigiu prata e ouro, de cada um segundo a sua avaliação, para o dar a Faraó-Neco.

[3] Também Hadadezer, rei de Zoba, foi derrotado por Davi, até Hamate, quando aquele foi restabelecer o seu domínio sobre o rio Eufrates.

[3]Chloígh Dáiví Hadad Eizir rí Zóbá agus é ar an mbealach chun a chumhacht a leathnú thar abhainn an Eofrataes.

[4] Tomou-lhe Davi mil carros, sete mil cavaleiros e vinte mil homens de pé; Davi jarretou a todos os cavalos dos carros, menos para cem deles.

[4]Ghabh Dáiví míle carbad, seacht míle carbadóir, agus fiche míle troitheach uaidh. Ghearr Dáiví speireacha seisreacha na gcarbad, ach céad díobh a choimeád sé.

[5] Vieram os siros de Damasco a socorrer a Hadadezer, rei de Zoba; porém Davi matou dos siros vinte e dois mil homens.

[5]Tháinig Aramaeigh ón Damaisc i gcabhair ar Hadad Eizir rí Zóbá ach mharaigh Dáiví dhá mhíle agus fiche de na hAramaeigh.

[6] Davi pôs guarnições na Síria de Damasco, e os siros ficaram por servos de

[6]Chuir Dáiví lucht ceannais i bhfeighil Arám na Damaisce agus ghéill na hAramaeigh go léir do Dháiví agus

Davi e lhe pagavam tributo; e o SENHOR dava vitórias a Davi, por onde quer que ia.

[7] Tomou Davi os escudos de ouro que havia com os oficiais de Hadadezer e os trouxe a Jerusalém.

[8] Também de Tibate e de Cum, cidades de Hadadezer, tomou Davi mui grande quantidade de bronze, de que Salomão fez o mar de bronze, as colunas e os utensílios de bronze.

[9] Ouvindo Toú, rei de Hamate, que Davi derrotara a todo o exército de Hadadezer, rei de Zoba,

[10] mandou seu filho Hadorão ao rei Davi, para o saudar e congratular-se com ele por haver pelejado contra Hadadezer e por havê-lo ferido (porque Hadadezer fazia guerra a Toú). Hadorão trouxe consigo objetos de ouro, de prata e de bronze,

[11] os quais também o rei Davi consagrou ao SENHOR, juntamente com a prata e ouro que trouxera de todas as mais nações: de Edom, de Moabe, dos filhos de Amom, dos filisteus e de Amaleque.

[12] Também Abisai, filho de Zeruia, feriu a dezoito mil edomitas no vale do Sal.

[13] E pôs guarnições em Edom, e todos os edomitas ficaram por servos de Davi; e o SENHOR dava vitórias a Davi, por onde quer que ia.

Oficiais de Davi

2 Samuel 8.15-18; 20.23-26

d'íocadar cáin leis. Thugadh an Tiarna an bua do Dháiví cibé áit a dtéadh sé.

[7]Thóg Dáiví na sciatha óir a bhíodh á n-iompar ag cosantóirí Hadad Eizir agus thug leis iad go Iarúsailéim.

[8]Thug Dáiví dlús mór cré-umha ó Thibeat agus ó Chún, cathracha le Hadad Eizir; de sin a rinne Solamh an mhuir chré-umha, agus na colúin chré-umha, agus na soithí cré-umha.

[9]Nuair a chuala Tóú rí Hamát gur bhris Dáiví ar arm Hadad Eizir rí Zóbá go léir,

[10]chuir sé a mhac Hadórám go Dáiví rí chun beannú dó agus comhghairdeas a dhéanamh leis mar gur throid sé le Hadad Eizir agus gur bhuaigh sé air, mar gur mhinic é Hadad Eizir ag troid le Tóú. Chuir sé gréithe óir, airgid agus cré-umha de gach sort chuige.

[11]Rinne Dáiví rí iadsan go léir a choisreacan don Tiarna mar aon leis an airgead agus leis an ór a rinne sé a thobhach ó na náisiúin go léir a bhí curtha faoi chois aige: Eadóm, Móáb, na hAmónaigh, na Filistínigh, Amáiléic.

[12]Chloígh Aibísí mac Zarúá na hEadómaigh i nGleann an tSalainn, ocht míle dhéag díobh.

[13]Chuir sé garastúin in Eadóm agus tháinig na hEadómaigh go léir faoi smacht Dháiví. Thugadh an Tiarna an bua do Dháiví cibé áit a dtéadh sé.

[14] Reinou, pois, Davi sobre todo o Israel; julgava e fazia justiça a todo o seu povo.
[15] Joabe, filho de Zeruia, era comandante do exército; Josafá, filho de Ailude, era cronista.
[16] Zadoque, filho de Aitube, e Abimeleque, filho de Abiatar, eram sacerdotes; e Sausa, escrivão.
[17] Benaia, filho de Joiada, era o comandante da guarda real. Os filhos de Davi, porém, eram os primeiros ao lado do rei.

1 Crônicas 19

Davi derrota os amonitas e os siros
2 Samuel 10.1-19

[1] Depois disto, morreu Naás, rei dos filhos de Amom; e seu filho reinou em seu lugar.

[2] Então, disse Davi: Usarei de bondade para com Hanum, filho de Naás, porque seu pai usou de bondade para comigo. Pelo que Davi enviou mensageiros para o consolar acerca de seu pai; e vieram os servos de Davi à terra dos filhos de Amom, a Hanum, para o consolarem.

[3] Disseram os príncipes dos filhos de Amom a Hanum: Pensas que, por te haver Davi mandado consoladores, está honrando a teu pai? Não vieram seus servos a ti para reconhecerem, destruírem e espiarem a terra?

[14]Bhí Dáiví i réim os cionn Iosrael ar fad, ag riar dlí agus cirt ar a phobal go léir.
[15]Bhí Ióáb mac Zarúá i gceannas an airm, agus Iahóiseáfát mac Aichíliúd ina sheanchaí.
[16]Bhí Zádóc mac Aichítiúb agus Aichímeilic mac Aibíátár ina sagairt; bhí Seavsea ina rúnaí.
[17]Bhí Banáiá mac Iachóiádá i gceannas na gCeiréiteach agus na bPeiléiteach. Bhí clann mhac Dháiví sa chéad áit lena thaobh.

1 Croinicí 19

Bearta a Oifigeach

[1]Fuair Nácháis rí na nAmónach bás ina dhiaidh sin agus tháinig a mhac i gcoróin ina áit.
[2]Dúirt Dáiví leis féin: “Beidh mé chomh cineálta céanna le Hánún mac Nácháis agus a bhí a athair liomsa.” Chuir Dáiví seirbhísigh chuige le teachtaireacht chomhbhróin faoi bhás a athar. Ach nuair a tháinig seirbhísigh Dháiví go Hánún i dtír na nAmónach lena dteachtaireacht chomhbhróin,
[3]dúirt ceannairí na nAmónach le Hánún: “An dóigh leat gur d'fhonn onóir a thabhairt do d'athair atá teachtairí comhbhróin á gcur ag Dáiví chugat? A mhalairt, nach bhfuil a sheirbhísigh curtha ag Dáiví chugat chun an chathair a bhrath, a scrios, agus a spíonadh?”

[4] Tomou, então, Hanum os servos de Davi, e rapou-os, e lhes cortou metade das vestes até às nádegas, e os despediu.

[5] Foram-se alguns e avisaram a Davi acerca destes homens; então, enviou mensageiros a encontrá-los, porque estavam sobremaneira envergonhados. Mandou o rei dizer-lhes: Deixai-vos estar em Jericó, até que vos torne a crescer a barba; e, então, vinde.

[6] Vendo, pois, os filhos de Amom que se haviam tornado odiosos a Davi, então, Hanum e os filhos de Amom tomaram mil talentos de prata, para alugarem para si carros e cavaleiros da Mesopotâmia, e dos siros de Maaca, e de Zoba.

[7] Alugaram para si trinta e dois mil carros, o rei de Maaca e a sua gente, e eles vieram e se acamparam diante de Medeba; também os filhos de Amom se ajuntaram das suas cidades e vieram para a guerra.

[8] O que ouvindo Davi, enviou contra eles a Joabe com todo o exército dos valentes.

[9] Saíram os filhos de Amom e ordenaram a batalha à entrada da porta da cidade; porém os reis que vieram estavam à parte, no campo.

[10] Vendo, pois, Joabe que estava preparada contra ele a batalha, tanto pela frente como pela retaguarda, escolheu

[4]Ghabh Hánún seirbhísigh Dháiví dá bhrí sin, bhearr an fhéasóg de gach duine díobh, ghearr a gcuid éadaigh díobh leath slí suas chun a más, agus chuir chun siúil iad,

[5]agus d'imigh siad leo. Nuair a insíodh do Dháiví faoinar tharla do na fir, chuir sé teachtaire ina gcoinne, mar go raibh náire shaolta ar na fir: “Fanaigí i Ireachó,” arsan rí, “go bhfása bhur bhféasóg arís agus tagaigí ar ais ansin.”

[6]Nuair a chonaic na hAmónaigh go raibh an ghráin ginte ag Dáiví dóibh, sheoladar míle tallann airgid le carbaid agus carbadóirí a fhostú ó Aramaeigh na Measpatáime Uachtaraí, Mácá agus Zóbá.

[7]D'fhostaigh siad tríocha dó míle carbad, agus rí Mhácá agus a chuid fear, agus tháinig siadsan agus shuigh siad a longfort os comhair Mhaedabá; maidir leis na hAmónaigh, chruinníodar le chéile as a gcathracha agus ghluaiseadar ar aghaidh chun catha.

[8]Nuair a chuala Dáiví é sin sheol sé amach Ióáb leis na saighdiúirí singil agus leis na curaidh.

[9]Mháirseáil na hAmónaigh amach agus chuadar in eagar catha ag an mbealach isteach sa chathair, ach d'fhan na ríthe a tháinig ó chéin leo féin sa mhachaire.

[10]Nuair a chonaic Ióáb go raibh an cath le cur ar a bhéala agus ar a chúla le chéile, roghnaigh sé cuid de thogha na

dentre todos o que havia de melhor em Israel e os formou em linha contra os siros;

[11] e o resto do povo entregou a Abisai, seu irmão, e puseram-se em linha contra os filhos de Amom.

[12] Disse Joabe: Se os siros forem mais fortes do que eu, tu me virás em socorro; e, se os filhos de Amom forem mais fortes do que tu, eu irei ao teu socorro.

[13] Sê forte, pois; pelejemos varonilmente pelo nosso povo e pelas cidades de nosso Deus; e faça o SENHOR o que bem lhe parecer.

[14] Então, avançou Joabe com o povo que estava com ele, e travaram peleja contra os siros; e estes fugiram de diante dele.

[15] Vendo os filhos de Amom que os siros fugiam, também eles fugiram de diante de Abisai, irmão de Joabe, e entraram na cidade; voltou Joabe dos filhos de Amom e tornou a Jerusalém.

[16] Vendo, pois, os siros que tinham sido desbaratados diante de Israel, enviaram mensageiros e fizeram sair os siros que habitavam do lado dalém do rio; Sofaque, capitão do exército de Hadadezer, marchava adiante deles.

[17] Informado Davi, ajuntou a todo o Israel, passou o Jordão, veio ter com eles e ordenou contra eles a batalha; e, tendo Davi ordenado a batalha contra os siros, pelejaram estes contra ele.

nIosraelach agus chóirigh iad in aghaidh na nAramaech.

[11]Chuir sé an chuid eile den arm faoi cheannas a dhearthár Aibísí agus cóiríodh iad in aghaidh na nAmónach.

[12]“Má bhíonn na hAramaeigh róthréan domsa, tarsa i gcabhair orm,” ar sé, “ach má bhíonn na hAmónaigh róthréan duitse, rachaidh mise i gcabhair ortsa.

[13]Bíodh misneach agat agus seasaimis an fód ar son ár bpobail agus ar son cathracha ár nDé. Go ndéana an Tiarna mar is rogha leis.”

[14]Chuaigh Ióáb agus an mhuintir a bhí in éineacht leis i ngleic leis na hAramaeigh, ach theitheadarsan uaidh.

[15]Nuair a chonaic na hAmónaigh gur theith na hAramaeigh, theitheadar féin leis ó Aibísí, dearthái Ióáb, agus isteach leo ina gcathair. Ansin d'fhill Ióáb ar ais go Iarúsailéim.

[16]Nuair a chonaic na hAramaeigh gur bhris Iosrael orthu, chuireadar teachtairí uathu agus thionóladar na hAramaeigh ó lastall den abhainn, le Seofac, ceann feadhna arm Hadad Eizir, á dtreorú.

[17]Nuair a insíodh é sin do Dháiví, chruinnigh sé Iosrael go léir le chéile agus ghabh thar an Iordáin, tháinig suas leo, agus ghabh láthair taobh leo. Chóirigh Dáiví a shluaite in eagar catha os comhair na nAramaech agus chuadarsan i ngleic leis.

[18] Porém os siros fugiram de diante de Israel, e Davi matou dentre os siros os homens de sete mil carros e quarenta mil homens de pé; a Sofaque, chefe do exército, matou.

[19] Vendo, pois, os servos de Hadadezer que foram feridos diante de Israel, fizeram paz com Davi e o serviram; e os siros nunca mais quiseram socorrer aos filhos de Amom.

[18]Ach theith na hAramaeigh ó Iosrael agus mharaigh Dáiví seacht míle dá bhfoirne carbad, agus daichead míle troitheach; mharaigh sé Seofac a gceann feadhna chomh maith.

[19]Nuair a chonaic géillsinigh Hadad Eizir go raibh buaite orthu ag Iosrael, rinne siad síocháin le Dáiví, agus ghéill dó. Níorbh áil leis na hAramaeigh ansin a thuilleadh cabhrach a thabhairt do na hAmónaigh.

1 Crônicas 20

Davi conquista a Rabá
2 Samuel 12.26-31

[1] Decorrido um ano, no tempo em que os reis costumam sair para a guerra, Joabe levou o exército, destruiu a terra dos filhos de Amom, veio e sitiou a Rabá; porém Davi ficou em Jerusalém; e Joabe feriu a Rabá e a destruiu.

[2] Tirou Davi a coroa da cabeça do seu rei e verificou que tinha o peso de um talento de ouro e que havia nela pedras preciosas; e foi posta na cabeça de Davi; e da cidade levou mui grande despojo.

[3] Também levou o povo que estava nela e o fez passar à serra, e a picaretas de ferro, e a machados; assim fez Davi a todas as cidades dos filhos de Amom. Voltou Davi, com todo o povo, para Jerusalém.

Gigantes mortos pelos homens de Davi
2 Samuel 21.15-22

[4] Depois disto, houve guerra em Gezer contra os filisteus; então, Sibecai, o

1 Croinicí 20

[1]Ar theacht na bliana úire, an t-am is gnách le ríthe dul ar fheachtas, threoraigh Ióáb na saighdiúirí amach agus chreach tír na nAmónach agus d'imigh agus chuir léigear ar Rabá. D'fhan Dáiví in Iarúsailéim. Ghabh Ióáb Rabá, agus rinne sé a scartáil.

[2]Bhain Dáiví an chㄜróin de cheann Mhiolcom, agus fuair amach gur mheáigh sí tallann óir. Bhí cloch luachmhar suite inti as a ndearnadh ornáid do cheann Dháiví. Thug sé leis creach mhór as an gcathair.

[3]Thug sé leis lucht na cathrach agus chuir sé ag obair iad le sábha, le piceanna, agus le tuanna iarainn. Thug Dáiví an cor céanna ar chathracha uile na nAmónach. Ansin d'fhill Dáiví agus an t-arm ar fad go Iarúsailéim.

[4]Ina dhiaidh sin, bhris cogaíocht amach arís leis na Filistínigh i nGeizir. Sin é an

husatita, feriu a Sipai, que era descendente dos gigantes; e os filisteus foram subjugados.

[5] Houve ainda outra guerra contra os filisteus; e Elanã, filho de Jair, feriu a Lami, irmão de Golias, o geteu, cuja lança tinha a haste como eixo de tecelão.

[6] Houve ainda outra guerra em Gate; havia ali um homem de grande estatura, tinha vinte e quatro dedos, seis em cada mão e seis em cada pé; também este descendia dos gigantes.

[7] Quando ele injuriava a Israel, Jônatas, filho de Siméia, irmão de Davi, o feriu.

[8] Estes nasceram dos gigantes em Gate; e caíram pela mão de Davi e pela mão de seus homens.

1 Crônicas 21

O levantamento do censo
2 Samuel 24.1-9

[1] Então, Satanás se levantou contra Israel e incitou a Davi a levantar o censo de Israel.

[2] Disse Davi a Joabe e aos chefes do povo: Ide, levantai o censo de Israel, desde Berseba até Dã; e trazei-me a apuração para que eu saiba o seu número.

[3] Então, disse Joabe: Multiplique o SENHOR, teu Deus, a este povo cem vezes mais; porventura, ó rei, meu senhor, não são todos servos de meu senhor? Por que requer isso o meu senhor? Por que trazer, assim, culpa sobre Israel?

uair a mharaigh Suibeacai an Huiseátach Suipí, de shliocht na Rafáím. Cloíodh na Filistínigh.

[5]Bhris cogaíocht amach arís eile leis na Filistínigh agus mharaigh Ealchánán mac Iáír Lachmaí, deartháir Ghóla an Giteach, ar chosúil le bíoma fíodóra crann a shleá.

[6]Bhí cath eile ag Gat mar a raibh fear mór groí a raibh sé mhéar ar gach láimh leis agus sé mhéar ar gach cois, ceithre mhéar fichead ar fad. Ba de shliocht Rafa eisean chomh maith.

[7]Nuair a thug sé dúshlán Iosrael, mharaigh Iónátán mac Shimeá, deartháir Dháiví, é.

[8]Ba de shliocht Rafa ó Ghat an ceathrar seo agus thiteadar le Dáiví agus lena bhuíon.

1 Croinicí 21

Daonáireamh

[1]D'éirigh Sátan ina sheasamh in aghaidh Iosrael agus spreag sé Dáiví le daonáireamh a dhéanamh ar Iosrael.

[2]Dúirt Dáiví dá bhrí sin le Ióáb agus le hoifigigh shinsearacha an airm: “Imígí libh agus déanaigí daonáireamh ar Iosrael, ó Bhéit Seaba go Dán, agus tugaigí cuntas chugam i dtreo gurbh eol dom an líon iomlán.”

[3]Dúirt Ióáb: “Go gcuire an Tiarna an rath faoi chéad ar do phobal! Nach seirbhísigh le mo thiarna iad go léir, a thiarna, mo rí? Cén fáth a ndéanfadh mo thiarna an fiosrú seo? Cén fáth a dtabharfaí ciontacht ar Iosrael?”

[4] Porém a palavra do rei prevaleceu contra Joabe; pelo que saiu Joabe e percorreu todo o Israel; então, voltou para Jerusalém.

[5] Deu Joabe a Davi o recenseamento do povo; havia em Israel um milhão e cem mil homens que puxavam da espada; e em Judá eram quatrocentos e setenta mil homens que puxavam da espada.

[6] Porém os de Levi e Benjamim não foram contados entre eles, porque a ordem do rei foi abominável a Joabe.

Davi escolhe o castigo

2 Samuel 24.10-17

[7] Tudo isto desagradou a Deus, pelo que feriu a Israel.

[8] Então, disse Davi a Deus: Muito pequei em fazer tal coisa; porém, agora, peço-te que perdoes a iniqüidade de teu servo, porque procedi mui loucamente.

[9] Falou, pois, o SENHOR a Gade, o vidente de Davi, dizendo:

[10] Vai e dize a Davi: Assim diz o SENHOR: Três coisas te ofereço; escolhe uma delas, para que ta faça.

[11] Veio, pois, Gade a Davi e lhe disse: Assim diz o SENHOR: Escolhe o que queres:

[12] ou três anos de fome, ou que por três meses sejas consumido diante dos teus adversários, e a espada de teus inimigos te alcance, ou que por três dias a espada do SENHOR, isto é, a peste na terra, e o Anjo do SENHOR causem destruição em todos

[4]Ach chuir an rí an t-ordú i bhfeidhm ar Ióáb agus d'imigh Ióáb leis agus ghabh trí Iosrael go léir agus ansin d'fhill ar Iarúsailéim.

[5]Thug Ióáb figiúir an daonáirimh do Dháiví: in Iosrael go léir bhí milliún agus céad míle fear tarraingthe claímh, agus in Iúdá ceithre chéad seachtó míle fear tarraingthe claímh.

[6]Ba ghráin le Ióáb ordú an rí chomh mór sin nach ndearna sé aon áireamh ar Léiví ná ar Bhiniáimin.

Plá

[7]Ach bhí Dia míshásta leis an iompar seo agus bhuail sé Iosrael.

[8]Ansin dúirt Dáiví le Dia: “Pheacaigh mé go trom á dhéanamh seo. Ach anois, impím ort an choir seo a mhaitheamh do do sheirbhíseach. Bhí mé an-amaideach.”

[9]Ansin labhair an Tiarna le Gád, fear feasa Dhháiví á rá:

[10]“Imigh agus abair le Dáiví: ‘Seo mar a deir an Tiarna: Tairgim trí rud duit; bíodh do rogha agat astu agus déanfaidh mé duit é.’ ”

[11]Chuaigh Gád dá bhrí sin go Dáiví agus dúirt leis: “Seo mar a deir an Tiarna: ‘Bíodh do rogha agat:

[12]trí bliana de ghorta, nó trí mhí de scrios faoi lámha do naimhde agus claíomh do namhad á ropadh ionat, nó trí lá faoi chlaíomh an Tiarna agus plá sa tír ar feadh trí lá agus aingeal an Tiarna ag déanamh léirscrios ar chríocha Iosrael go léir.’

os territórios de Israel; vê, pois, agora, que resposta hei de dar ao que me enviou.

[13] Então, disse Davi a Gade: Estou em grande angústia; caia eu, pois, nas mãos do SENHOR, porque são muitíssimas as suas misericórdias, mas nas mãos dos homens não caia eu.

[14] Então, enviou o SENHOR a peste a Israel; e caíram de Israel setenta mil homens.

[15] Enviou Deus um anjo a Jerusalém, para a destruir; ao destruí-la, olhou o SENHOR, e se arrependeu do mal, e disse ao anjo destruidor: Basta, retira, agora, a mão. O Anjo do SENHOR estava junto à eira de Ornã, o jebuseu.

[16] Levantando Davi os olhos, viu o Anjo do SENHOR, que estava entre a terra e o céu, com a espada desembainhada na mão estendida contra Jerusalém; então, Davi e os anciãos, cobertos de panos de saco, se prostraram com o rosto em terra.

[17] Disse Davi a Deus: Não sou eu o que disse que se contasse o povo? Eu é que pequei, eu é que fiz muito mal; porém estas ovelhas que fizeram? Ah! SENHOR, meu Deus, seja, pois, a tua mão contra mim e contra a casa de meu pai e não para castigo do teu povo.

Davi erige um altar na eira de Ornã

2 Samuel 24.18-25

Socraigh anois cad é an freagra a thabharfaidh mé don té a chuir uaidh mé.”

[13]Dúirt Dáiví le Gád: “Is é rogha na ndíogha agam é! Ach is fearr go dtitfinn i lámha an Tiarna, óir is mór é a thrócaire, ná i lámha daoine.”

[14]Chuir an Tiarna plá ar Iosrael, agus fuair seachtó míle d'fhir Iosrael bás.

[15]Ansin chuir an Tiarna an t-aingeal go Iarúsailéim lena scrios, ach nuair a bhí sé ar tí í a scrios, d'fhéach an Tiarna agus tháinig ar mhalairt aigne faoin olc seo, agus dúirt sé leis an aingeal a bhí ag scrios an phobail: “Is leor sin! Fóill ar do láimh anois!” Bhí aingeal an Tiarna ina sheasamh ag urlár buailte Ornán an Iabúsach.

[16]D'ardaigh Dáiví a shúile agus chonaic sé aingeal an Tiarna ina sheasamh idir neamh agus talamh, agus claíomh nocht ina láimh aige sínte amach i dtreo Iarúsailéim. Ansin Dáiví agus na seanóirí, agus iad gléasta in éadach róin, thit siad ar a mbéal agus ar a bhfiacla.

[17]Dúirt Dáiví le Dia: “Nach mise a thug an t-ordú an pobal a áireamh? Mise a pheacaigh; is mise a rinne an drochrud seo. Ach na daoine seo, an tréad seo, cad tá déanta acusan? Luíodh do lámh go trom ormsa, a Thiarna mo Dhia, agus ar mo chlann; ach téadh do phobal slán ón bplá.”

Altóir á Tógáil

[18] Então, o Anjo do SENHOR disse a Gade que mandasse Davi subir para levantar um altar ao SENHOR, na eira de Ornã, o jebuseu.

[19] Subiu, pois, Davi, segundo a palavra de Gade, que falara em nome do SENHOR.

[20] Virando-se Ornã, viu o Anjo; e esconderam-se seus quatro filhos que estavam com ele. Ora, Ornã estava debulhando trigo.

[21] Quando Davi vinha chegando a Ornã, este olhou, e o viu e, saindo da eira, se inclinou diante de Davi, com o rosto em terra.

[22] Disse Davi a Ornã: Dá-me este lugar da eira a fim de edificar nele um altar ao SENHOR, para que cesse a praga de sobre o povo; dá-mo pelo seu devido valor.

[23] Então, disse Ornã a Davi: Tome-a o rei, meu senhor, para si e faça dela o que bem lhe parecer; eis que dou os bois para o holocausto, e os trilhos, para a lenha, e o trigo, para oferta de manjares; dou tudo.

[24] Tornou o rei Davi a Ornã: Não; antes, pelo seu inteiro valor a quero comprar; porque não tomarei o que é teu para o SENHOR, nem oferecerei holocausto que não me custe nada.

[18]Dúirt aingeal an Tiarna ansin le Gád: “Ní foláir do Dháiví dul suas agus altóir a thógáil don Tiarna ar urlár buailte Ornán an Iabúsach.”

[19]Ghabh Dáiví suas dá bhrí sin de réir bhriathar Ghád, an briathar a labhair sé in ainm an Tiarna.

[20]Bhí Ornán ag bualadh cruithneachta, agus chas sé ar a sháil agus chonaic an t-aingeal agus chuaigh sé i bhfolach, é féin agus a cheathrar mac a bhí in éineacht leis.

[21]Nuair a bhí Dáiví ag teacht chuige, d'fhéach Ornán síos agus chonaic Dáiví; d'fhág sé an t-urlár buailte, agus thug sé ómós do Dháiví agus a cheann crom chun talún.

[22]Ansin dúirt Dáiví le hOrnán: “Tabhair dom láthair an urláir bhuailte le haltóir a thógáil ann don Tiarna - tabhair dom é ar a luach iomlán - i dtreo go gcasfaí an phlá ar shiúl ón bpobal.”

[23]Ansin dúirt Ornán le Dáiví: “Tóg é, agus déanadh mo thiarna, an rí, mar is áil leis. Seo duit na daimh don íobairt uileloiscthe, na súistí mar adhmad, agus an chruithneacht mar abhlann. Bídís go léir agat.”

[24]Ach dúirt Dáiví rí le hOrnán: “Ní dhéanfaidh mé amhlaidh ach ceannóidh mé uait é ar a lánluach. Ní thógfaidh mé don Tiarna an rud is leatsa; ní ofrálfaidh mé íobairtí uileloiscthe nár chosain aon ní orm.”

[25] Davi deu a Ornã por aquele lugar a soma de seiscentos siclos de ouro.

[26] Edificou ali um altar ao SENHOR, ofereceu nele holocaustos e sacrifícios pacíficos e invocou o SENHOR, o qual lhe respondeu com fogo do céu sobre o altar do holocausto.

[27] O SENHOR deu ordem ao Anjo, e ele meteu a sua espada na bainha.

O lugar do templo

[28] Vendo Davi, naquele mesmo tempo, que o SENHOR lhe respondera na eira de Ornã, o jebuseu, sacrificou ali.

[29] Porque o tabernáculo do SENHOR, que Moisés fizera no deserto, e o altar do holocausto estavam, naquele tempo, no alto de Gibeão.

[30] Davi não podia ir até lá para consultar a Deus, porque estava atemorizado por causa da espada do Anjo do SENHOR.

1 Crônicas 22

Davi faz preparativos para edificar o templo

[1] Disse Davi: Aqui, se levantará a Casa do SENHOR Deus e o altar do holocausto para Israel.

[2] Deu ordem Davi para que fossem ajuntados os estrangeiros que estavam na terra de Israel; e encarregou pedreiros que preparassem pedras de cantaria para se edificar a Casa de Deus.

[3] Aparelhou Davi ferro em abundância, para os pregos das folhas das portas e para as junturas, como também bronze em abundância, que nem foi pesado.

[25]Thug Dáiví dá bhrí sin sé chéad seicil óir meáite d'Ornán ar an láthair.

[26]Thóg Dáiví altóir ansiúd don Tiarna agus d'ofráil íobairtí uileloiscthe agus íobairtí comaoineach. Ghlaoigh sé ar an Tiarna agus d'fhreagair an Tiarna é le tine ó neamh ar altóir an uileloiscthe,

[27]agus thug sé ordú don aingeal agus chuir sé a chlaíomh ina thruaill.

[28]Nuair a chonaic sé gur fhreagair an Tiarna é ar urlár buailte Ornán an Iabúsach, d'ofráil Dáiví íobairt dó ansiúd.

[29]Taibearnacal an Tiarna a rinne Maois san fhásach, agus altóir an uileloiscthe, bhíodar an uair sin san ardionad i nGibeón.

[30]Ach ní raibh sé ar a chumas ag Dáiví dul isteach i láthair Dé ansiúd le dul i gcomhairle leis, le barr eagla roimh chlaíomh aingeal an Tiarna.

1 Croinicí 22

Ullmhú do Thógáil an Teampaill

[1]Ansin dúirt Dáiví: “Anseo a bheidh teach an Tiarna, Dia; anseo a bheidh altóir an uileloiscthe d'Iosrael.”

[2]Thug Dáiví ordú na daoine deoranta go léir a bhí ag cur fúthu i dtír Iosrael a chruinniú le chéile; agus chuir sé lucht gearrtha cloch ag soláthar cloch gearrtha le haghaidh tógáil theach Dé.

[3]Rinne Dáiví freisin soláthairtí móra iarainn a bhailiú le chéile le tairní a dhéanamh do chomhlaí na ndoirse agus

tuislí; agus bhailigh sé níos mó cré-umha ná mar d'fhéadfaí a mheá,

[4] Madeira de cedro sem conta, porque os sidônios e tírios a traziam a Davi, em grande quantidade.

[4]agus bíomaí céadair gan áireamh, mar thug na Síodónaigh agus na Tuírigh freisin raidhse céadair chuig Dáiví.

[5] Pois dizia Davi: Salomão, meu filho, ainda é moço e tenro, e a casa que se há de edificar para o SENHOR deve ser sobremodo magnificente, para nome e glória em todas as terras; providenciarei, pois, para ela o necessário; assim, o preparou Davi em abundância, antes de sua morte.

[5]Ansin dúirt Dáiví: “Fear óg gan taithí na mblianta is ea mo mhac Solamh, agus an teach atá le tógáil don Tiarna, ní foláir é a bheith an-taibhseach agus clú agus ainm in airde a bheith air i ngach tír. Déanfaidh mé ullmhú ina chomhair dá bhrí sin.” Rinne Dáiví más ea, go leor ullmhúcháin roimh éag dó.

Ordens de Davi a Salomão

[6] Então, chamou a Salomão, seu filho, e lhe ordenou que edificasse casa ao SENHOR, Deus de Israel.

[6]Chuir sé fios ar a mhac Solamh ansin agus leag de chúram air teach a thógáil don Tiarna Dia Iosrael.

[7] Disse Davi a Salomão: Filho meu, tive intenção de edificar uma casa ao nome do SENHOR, meu Deus.

[7]“A mhic,” arsa Dáiví le Solamh, “bhí mé meáite i mo chroí ar theach a thógáil d'ainm an Tiarna mo Dhia.

[8] Porém a mim me veio a palavra do SENHOR, dizendo: Tu derramaste sangue em abundância e fizeste grandes guerras; não edificarás casa ao meu nome, porquanto muito sangue tens derramado na terra, na minha presença.

[8]Ach tháinig briathar an Tiarna chugam á rá: ‘Dhoirt tú a lán fola agus d'fhear tú cogaí móra; ní thógfaidh tú teach do m'ainm mar gur dhoirt tú an oiread sin fola ar an talamh i mo láthair.

[9] Eis que te nascerá um filho, que será homem sereno, porque lhe darei descanso de todos os seus inimigos em redor; portanto, Salomão será o seu nome; paz e tranqüilidade darei a Israel nos seus dias.

[9]Ach, féach, rugadh mac duit. Beidh seisean ina fhear síochána, agus tabharfaidh mé síocháin dó ó na naimhde go léir atá ina thimpeall; mar Solamh (mac na síochána) is ainm dó agus tabharfaidh mé síocháin agus suaimhneas d'Iosrael lena linn.

[10] Este edificará casa ao meu nome; ele me será por filho, e eu lhe serei por pai;

[10]Tógfaidh sé teach do m'ainm; beidh sé mar mhac agam agus beidh mise mar

estabelecerei para sempre o trono do seu reino sobre Israel.

athair aige, agus daingneoidh mé a chathaoir rí in Iosrael go brách.'

[11] Agora, pois, meu filho, o SENHOR seja contigo, a fim de que prosperes e edifiques a Casa do SENHOR, teu Deus, como ele disse a teu respeito.

[11]Go raibh an Tiarna leat anois, a mhic, agus go gcuire sé an rath ort, ag tógáil tí don Tiarna do Dhia, mar a dúirt sé i do thaobh.

[12] Que o SENHOR te conceda prudência e entendimento, para que, quando regeres sobre Israel, guardes a lei do SENHOR, teu Deus.

[12]Agus fairis sin go dtuga sé eagna agus tuiscint duit, i dtreo, nuair a chuirfidh sé i bhfeighil Iosrael thú, go gcoimeádfaidh tú dlí an Tiarna do Dhia.

[13] Então, prosperarás, se cuidares em cumprir os estatutos e os juízos que o SENHOR ordenou a Moisés acerca de Israel; sê forte e corajoso, não temas, não te desalentes.

[13]Rithfidh leat ansin má chomhlíonann tú le barr cúraim na reachtanna agus na dlíthe a leag an Tiarna ar Mhaois d'Iosrael. Bíodh fuinneamh agus misneach agat! Ná bíodh eagla ná meatacht ort!

[14] Eis que, com penoso trabalho, preparei para a Casa do SENHOR cem mil talentos de ouro e um milhão de talentos de prata, e bronze e ferro em tal abundância, que nem foram pesados; também madeira e pedras preparei, cuja quantidade podes aumentar.

[14]Dá [bhoichte] mé, tá céad míle tallann óir curtha i leataobh agam, milliún tallann airgid, agus oiread umha agus iarainn nach féidir a thomhas, le toirt. Tá adhmad agus clocha curtha i dtaisce agam agus ní mór duit cur leo.

[15] Além disso, tens contigo trabalhadores em grande número, e canteiros, e pedreiros, e carpinteiros, e peritos em toda sorte de obra

[15]Tá a lán oibrithe agat: lucht gearrtha cloch, saoir, siúinéirí, ceardaithe de gach sórt atá oilte

[16] de ouro, e de prata, e também de bronze, e de ferro, que se não pode contar. Dispõe-te, pois, e faze a obra, e o SENHOR seja contigo!

[16]ar shaothar óir agus airgid agus cré-umha agus iarainn. Corraigh ort dá bhrí sin agus bí ag obair agus go raibh an Tiarna leat!"

[17] Davi deu ordem a todos os príncipes de Israel que ajudassem Salomão, seu filho, dizendo:

[17]D'ordaigh Dáiví do cheannairí uile Iosrael cabhrú le Solamh a mhac á rá:

[18] Porventura, não está convosco o SENHOR, vosso Deus, e não vos deu paz

[18]"Nach bhfúil an Tiarna bhur nDia in éineacht libh? Nach bhfúil síocháin tugtha

por todos os lados? Pois entregou nas minhas mãos os moradores desta terra, a qual está sujeita perante o SENHOR e perante o seu povo.

[19] Disponde, pois, agora o coração e a alma para buscardes ao SENHOR, vosso Deus; disponde-vos e edificai o santuário do SENHOR Deus, para que a arca da Aliança do SENHOR e os utensílios sagrados de Deus sejam trazidos a esta casa, que se há de edificar ao nome do SENHOR.

aige daoibh máguaird ar gach taobh? Mar thug sé lucht áitribh na tíre faoi mo bhois dom, agus tá an tír ar fad tugtha faoi smacht an Tiarna agus a phobail.

[19]Dírigí bhur gcroí agus bhur n-aigne ar an Tiarna bhur nDia a lorg. Éirígí agus tógaigí sanctóir an Tiarna bhur nDia i dtreo gur féidir libh áirc chonradh an Tiarna agus soithí naofa Dé, a bhreith isteach i dteach a thógfar d'ainm an Tiarna.”

1 Crônicas 23

Os turnos e funções dos levitas

[1] Sendo, pois, Davi já velho e farto de dias, constituiu a seu filho Salomão rei sobre Israel.

[2] Ajuntou todos os príncipes de Israel, como também os sacerdotes e levitas.

[3] Foram contados os levitas de trinta anos para cima; seu número, contados um por um, foi de trinta e oito mil homens.

[4] Destes, havia vinte e quatro mil para superintenderem a obra da Casa do SENHOR, seis mil oficiais e juízes,

[5] quatro mil porteiros e quatro mil para louvarem o SENHOR com os instrumentos que Davi fez para esse mister.

[6] Davi os repartiu por turnos, segundo os filhos de Levi: Gérson, Coate e Merari.

[7] Filhos de Gérson: Ladã e Simei.

[8] Filhos de Ladã: Jeiel, o chefe, Zetã e Joel, três.

1 Croinicí 23

Eagar na Léivíteach

[1]Nuair a bhí Dáiví ina laethe lána liatha, cheap sé Solamh a mhac ina rí ar Iosrael.

[2]Chruinnigh sé taoisigh Iosrael go léir le chéile, agus na sagairt agus na Léivítigh.

[3]Áiríodh na Léivítigh go léir a bhí tríocha bliain d'aois nó níos mó agus ba é a líon ná tríocha hocht míle fear.

[4]Bhí ceithre mhíle fichead díobhsan i bhfeighil sheirbhís theach an Tiarna; ba scríobhaithe agus breithiúna sé mhíle díobh;

[5]bhí ceithre mhíle díobh i bhfeighil na ngeataí, agus ceithre mhíle díobh ag moladh an Tiarna leis na gléasanna ceoil a chuir [Dáiví] á ndéanamh chuige sin.

[6]Ansin roinn Dáiví iad ina ranganna de réir chlann Léiví: Géirseon, Cohát, Maráraí.

[7]Clann mhac Géirseon: Ladán agus Simeí.

[8]Clann Ladán: Ichíéil sa chéad áit, Zeatám agus Ióéil: triúr ar fad.

[9] Filhos de Simei: Selomite, Haziel e Harã, três; estes foram os chefes das famílias de Ladã.
[10] Filhos de Simei: Jaate, Ziza, Jeús e Berias; estes foram os filhos de Simei, quatro.
[11] Jaate era o chefe, Ziza, o segundo; mas Jeús e Berias não tiveram muitos filhos; pelo que estes dois foram contados por uma só família.
[12] Filhos de Coate: Anrão, Isar, Hebrom e Uziel, quatro.
[13] Filhos de Anrão: Arão e Moisés; Arão foi separado para servir no Santo dos Santos, ele e seus filhos, perpetuamente, e para queimar incenso diante do SENHOR, para o servir e para dar a bênção em seu nome, eternamente.
[14] Quanto a Moisés, homem de Deus, seus filhos foram contados entre a tribo de Levi.
[15] Os filhos de Moisés: Gérson e Eliézer.
[16] Filho de Gérson: Sebuel, o chefe.
[17] Filho de Eliézer: Reabias, o chefe; e não teve outros; porém os filhos de Reabias se multiplicaram grandemente.
[18] Filhos de Isar: Selomite, o chefe.
[19] Filhos de Hebrom: Jerias, o chefe, Amarias, o segundo, Jaaziel, o terceiro, e Jecameão, o quarto.
[20] Filhos de Uziel: Mica, o chefe, e Issias, o segundo.

[9]Clann mhac Shimeí: Sealmót, Haizíéil agus Hárán: triúr. Ba iad sin cinn finí Ladán.
[10]Clann mhac Shimeí: Iachat, Zíneá, Ieúis, Beiríá; ba iadsan clann mhac Shimeí, ceathrar ar fad.
[11]Ba é Iachat an sinsear, Zízeá an dara duine; ansin de bhrí nach raibh clann mhac mhór ag Ieúis agus ag Beiriá, áiríodh iadsan mar aon fhine amháin.
[12]Clann mhac Chohát: Amrám, Izeár, Heabrón agus Uizíéil: ceathrar.
[13]Clann mhac Amrám: Árón agus Maois. Cuireadh Árón ar leithligh leis na nithe rónaofa a choisreacan - é féin agus a chlann mhac go brách - le túis a dhó i láthair an Tiarna, seirbhís a dhéanamh dó, agus beannacht a thabhairt ina ainm go brách.
[14]Áiríodh clann Mhaois, giolla Dé, ar threibh Léiví.
[15]Clann mhac Mhaois: Géirseom agus Eilíeizir.
[16]Clann mhac Ghéirseom: Seabúéil an sinsear.
[17]Clann mhac Eilíeizir: Rachaibiá an sinsear; ní raibh aon mhac eile ag Eilíeizir, ach bhí clann mhór ar Rachaibiá.
[18]Clann mhac Izeár: Sealoimít an sinsear.
[19]Clann mhac Heabrón: Iríá an sinsear, Amairiá an dara mac, Iachaizíéil an tríú mac, agus Iacamám an ceathrú mac.
[20]Clann mhac Uizíéil: Míceá an sinsear agus Isíá an dara mac.

[21] Filhos de Merari: Mali e Musi; filhos de Mali: Eleazar e Quis.
[22] Morreu Eleazar e não teve filhos, porém filhas; e os filhos de Quis, seus irmãos, as desposaram.
[23] Os filhos de Musi: Mali, Éder e Jerimote, três.
[24] São estes os filhos de Levi, segundo as suas famílias e chefes delas, segundo foram contados nominalmente, um por um, encarregados do ministério da Casa do SENHOR, de vinte anos para cima.
[25] Porque disse Davi: O SENHOR, Deus de Israel, deu paz ao seu povo e habitará em Jerusalém para sempre.
[26] Assim, os levitas já não precisarão levar o tabernáculo e nenhum dos utensílios para o seu ministério.
[27] Porque, segundo as últimas palavras de Davi, foram contados os filhos de Levi de vinte anos para cima.

[28] O cargo deles era assistir os filhos de Arão no ministério da Casa do SENHOR, nos átrios e nas câmaras, na purificação de todas as coisas sagradas e na obra do ministério da Casa de Deus,

[29] a saber, os pães da proposição, a flor de farinha para a oferta de manjares, os coscorões asmos, as assadeiras, o tostado e toda sorte de peso e medida.

[21]Clann mhac Mhararáí: Mailí agus Múisí. Clann mhac Mhailí: Eileázár agus Cís.
[22]D'éag Eileázár gan oidhre mic, ach iníonacha, agus phós a ngaolta clann mhac Chís iadsan.
[23]Clann mhac Mhúisí: Mailí, Éidir agus Iaraemót: triúr acu.
[24]Ba iadsan clann Léiví de réir a bhfiní, cinn a bhfiní, mar a ríomhadh iad ó ainm ina nduine agus ina nduine; aon duine a bhí fiche bliain d'aois nó breis, bhí dualgas air i mbun seirbhís Theampall an Tiarna.
[25]Óir dúirt Dáiví: “Thug an Tiarna Dia Iosrael síocháin dá phobal agus tá sé ag cur faoi in Iarúsailéim go brách.
[26]Níl sé de cheangal ar na Léivítigh an taibearnacal ná aon ní a ghabhann le freastal air a iompar a thuilleadh.” -
[27]Óir na Léivítigh a áiríodh, de réir focail deiridh Dháiví, bhí siad fiche bliain agus ós a chíonn -
[28]“Sé an dualgas atá orthu ná cabhrú le clann Árón i mbun seirbhís Theampall an Tiarna, agus a bheith i bhfeighil na gcúirteanna agus na seomraí, agus gach ní naofa a ghlanadh; sé a ndualgas freastal ar Theampall an Tiarna.
[29]Tá sé mar chúram orthu freisin lámh chúnta a thabhairt le harán an taispeántais, leis an bplúr don ofráil arbhair, leis na habhlanna aráin gan ghabháile, leis an arán bruite ar an ngrideall agus leis an arán lena bhfúil ola measctha, agus le cúrsaí tomhais agus meáchana de gach sórt.

[30] Deviam estar presentes todas as manhãs para renderem graças ao SENHOR e o louvarem; e da mesma sorte, à tarde;

[31] e para cada oferecimento dos holocaustos do SENHOR, nos sábados, nas Festas da Lua Nova e nas festas fixas, perante o SENHOR, segundo o número determinado;

[32] e para que tivessem a seu cargo a tenda da congregação e o santuário e atendessem aos filhos de Arão, seus irmãos, no ministério da Casa do SENHOR.

[30]Ní mór dóibh a bheith i láthair gach maidin, agus tráthnóna chomh maith, ag moladh agus ag móradh an Tiarna,

[31]agus nuair a bhíonn ofrálacha loiscthe á n-ofráil don Tiarna ar an tsabóid, ar an ré nua, nó ar shollúntas - líon áirithe díobh is é sin de réir mar a shocródh an riail. Dualgas seasmhach orthu é sin i láthair an Tiarna.

[32]I bhfeighil Theampall an Tiarna dóibh, leanaidís gnásanna Bhoth na Teagmhála, gnásanna an tsanctóra agus gnásanna a ngaolta, clann Árón."

1 Crônicas 24

Os turnos dos sacerdotes

[1] Quanto aos filhos de Arão, foram eles divididos por seus turnos. Filhos de Arão: Nadabe, Abiú, Eleazar e Itamar.

[2] Nadabe e Abiú morreram antes de seu pai e não tiveram filhos; Eleazar e Itamar oficiavam como sacerdotes.

[3] Davi, com Zadoque, dos filhos de Eleazar, e com Aimeleque, dos filhos de Itamar, os dividiu segundo os seus deveres no seu ministério.

[4] E achou-se que eram mais os filhos de Eleazar entre os chefes de famílias do que os filhos de Itamar, quando os dividiram; dos filhos de Eleazar, dezesseis chefes de famílias; dos filhos de Itamar, oito.

[5] Repartiram-nos por sortes, uns como os outros; porque havia príncipes do santuário e príncipes de Deus, tanto dos

1 Croinicí 24

[1]Seo iad na ranna atá ar chlann mhac Árón: Clann mhac Árón: Nádáb, Aibíchiú, Eileázár agus Íteámár.

[2]D'éag Nádáb agus Aibíchiú roimh a n-athair, gan clann a fhágáil, i dtreo go ndearnadh sagairt de Eileázár agus d'Íteámár.

[3]Rinne Dáiví iad a eagrú ina ranna de réir a ndualgais seirbhíse le cabhair Zádóc, mac le hEileázár, agus Aichímeilic mac le hÍteámár.

[4]Bhí níos mó ceannairí ar chlann mhac Eileázár ná ar chlann mhac Íteámár; rinneadh dá réir sin sé roinn déag de chinn finí chlann Eileázár agus ocht gcinn díobh siúd de chlann Íteámár.

[5]Rinneadar an dá dhream acu a eagrú ar cranna mar bhí feidhmeannaigh choisricthe, feidhmeannaigh le Dia, ar

filhos de Eleazar como dos filhos de Itamar.

[6] Semaías, escrivão, filho de Natanael, levita, registrou-os na presença do rei, dos príncipes, do sacerdote Zadoque, de Aimeleque, filho de Abiatar, e dos cabeças das famílias dos sacerdotes e dos levitas; sendo escolhidas as famílias, por sorte, alternadamente, para Eleazar e para Itamar.

[7] Saiu a primeira sorte a Jeoiaribe; a segunda, a Jedaías;

[8] a terceira, a Harim; a quarta, a Seorim;

[9] a quinta, a Malquias; a sexta, a Miamim;

[10] a sétima, a Hacoz; a oitava, a Abias;

[11] a nona, a Jesua; a décima, a Secanias;

[12] a undécima, a Eliasibe; a duodécima, a Jaquim;

[13] a décima terceira, a Hupá; a décima quarta, a Jesebeabe;

[14] a décima quinta, a Bilga; a décima sexta, a Imer;

[15] a décima sétima, a Hezir; a décima oitava, a Hapises;

[16] a décima nona, a Petaías; a vigésima, a Jeezquel;

[17] a vigésima primeira, a Jaquim; a vigésima segunda, a Gamul;

[18] a vigésima terceira, a Delaías; a vigésima quarta, a Maazias.

chlann Eileázár agus ar chlann Íteámár chomh maith.

[6]Rinne duine de na Léivítigh, an scríobhaí Seamaiá mac Natanael, iad a scríobh síos i láthair an rí agus a mhaithe, agus Zádóc an sagart agus Aichímeilic mac Aibíátár agus chinn finí na sagart agus na Léivíteach. Cuireadh gach fine de chlann mhac Eileázár agus de chlann mhac Íteámár ar cranna ar a n-uair.

[7]Thit an chéad chrann ar Iahóiáraíb, an dara ceann ar Iadaiá,

[8]an tríú ceann ar Háirim, an ceathrú ceann ar Shoirím,

[9]an cúigiú ceann ar Mhailciá, an séú ceann ar Mhíáimin,

[10]an seachtú ceann ar Hacóz, an t-ochtú ceann ar Aibíá,

[11]an naoú ceann ar Iéisiúa, an deichiú ceann ar Shacainiá,

[12]an t-aonú ceann déag ar ar Eiliáisíb, an dara ceann déag ar Iácaím,

[13]an tríú ceann déag ar Húpá, an ceathrú ceann déag ar Ís Bál,

[14]an cúigiú ceann déag ar Bhilgeá, an séú ceann déag ar Iméar,

[15]an seachtú ceann déag ar Héizír, an t-ochtú ceann déag ar Haipizéar,

[16]an naoú ceann déag ar Phataichiá, an fichiú ceann ar Ichizcéil,

[17]an t-aonú ceann fichead ar Iáicín, an dara ceann fichead ar Ghámúl,

[18]an tríú ceann fichead ar Dhaláiá, an ceathrú ceann fichead ar Mháiziá.

[19] O ofício destes no seu ministério era entrar na Casa do SENHOR, segundo a maneira estabelecida por Arão, seu pai, como o SENHOR, Deus de Israel, lhe ordenara.

[20] Eis os chefes do restante dos filhos de Levi: dos filhos de Anrão, Subael; dos filhos de Subael, Jedias;

[21] dos filhos de Reabias, Issias, o chefe;

[22] dos isaritas, Selomite; dos filhos de Selomite, Jaate;

[23] dos filhos de Hebrom, Jerias, o primeiro, Amarias, o segundo, Jaaziel, o terceiro, Jecameão, o quarto;

[24] dos filhos de Uziel, Mica; dos filhos de Mica, Samir;

[25] o irmão de Mica, Issias; dos filhos de Issias, Zacarias;

[26] dos filhos de Merari, Mali e Musi; dos filhos de Jaazias, Beno;

[27] dos filhos de Merari, da parte de Jaazias: Beno, Soão, Zacur e Ibri;

[28] de Mali, Eleazar, que não teve filhos;

[29] dos filhos de Quis, Jerameel;

[30] dos filhos de Musi, Mali, Éder e Jerimote. Foram estes os filhos dos levitas, segundo as suas famílias.

[31] Também estes, tanto os chefes das famílias como os seus irmãos menores, como fizeram os outros seus irmãos, filhos de Arão, lançaram sortes na presença do rei Davi, de Zadoque, de Aimeleque e dos

[19]Ba iadsan na fir, mar a claraíodh iad de réir a ndualgas ar leith, a raibh sé de chúram orthu dul isteach i dTeampall an Tiarna de réir mar a shocraigh Árón, a sinsear, dóibh, faoi mar a d'ordaigh an Tiarna Dia Iosrael dó.

[20]Maidir leis an gcuid eile de chlann Léiví: de chlann Amrám, Siúbáéil; de chlann Shiúbáéil, Iadaiá.

[21]De Rachaibiá, de chlann mhac Rachaibiá: Isíá an sinsear.

[22]De na hIzeáraigh: Sealómót; de chlann mhac Shealómót, Iáchat.

[23]De chlann Heabrón, Iríá an sinsear, Amairiá, an dara duine, Iachaizíéil an tríú duine, Iacamám an ceathrú duine.

[24]Clann mhac Uizíéil, Míceá. Clann mhac Mhíceá, Seámair.

[25]Deartháir Mhíceá, Ísía. De chlann Ísía, Zacairiá.

[26]De chlann Mharáraí, Mailí agus Múisí. De chlann Iáizíá, Banó.

[27]Clann mhac Mharáraí: Iáizíá, Banó, Seoham, Zacúr agus Ibrí.

[28]De Mhailí, Eileázár a bhí gan mhac.

[29]De Chís, clann mhac Chís: Iarachmael.

[30]Clann Mhúisí: Mailí, Éidir agus Iaraemót. Ba iadsan clann Léiví de réir a bhfiní.

[31]Dála a ngaolta, clann Árón, cuireadh na finí seo, idir shinsear agus shóisear, ar cranna i láthair an rí Dáiví: Zádóc, Aichímeilic agus cinn finí na sagart agus na Léivíteach.

cabeças das famílias dos sacerdotes e dos levitas.

1 Crônicas 25

Função dos cantores

1 Davi, juntamente com os chefes do serviço, separou para o ministério os filhos de Asafe, de Hemã e de Jedutum, para profetizarem com harpas, alaúdes e címbalos. O rol dos encarregados neste ministério foi:

2 dos filhos de Asafe: Zacur, José, Netanias e Asarela, filhos de Asafe, sob a direção deste, que exercia o seu ministério debaixo das ordens do rei.

3 Quanto à família de Jedutum, os filhos: Gedalias, Zeri, Jesaías, Hasabias e Matitias, seis, sob a direção de Jedutum, seu pai, que profetizava com harpas, em ações de graças e louvores ao SENHOR.

4 Quanto à família de Hemã, os filhos: Buquias, Matanias, Uziel, Sebuel, Jerimote, Hananias, Hanani, Eliata, Gidalti, Romanti-Ézer, Josbecasa, Maloti, Hotir e Maaziote.

5 Todos estes foram filhos de Hemã, o vidente do rei e cujo poder Deus exaltou segundo as suas promessas, dando-lhe catorze filhos e três filhas.

6 Todos estes estavam sob a direção respectivamente de seus pais, para o canto da Casa do SENHOR, com címbalos, alaúdes e harpas, para o ministério da

1 Croinicí 25

Na Cantairí

1Dáiví, agus na feidhmeannaigh shinsearacha, chuir siad ar leithligh: clann mhac Ásáf agus Haemán agus Iadútún, fáithe a chanadh le tionlacan ó chruit ó chláirseach agus ó chiombal, agus rinneadh liosta díobh siúd a raibh na dualgais sin le comhlíonadh acu.

2De chlann Ásáf: Zacúr, Iósaef, Natainiá, Aisearaelá. Bhí clann Ásáf faoi threoir Ásáf, a rinne fáidheoireacht faoi threoir an rí.

3De Iadútún: clann mhac Iadútún: Gadailiá, Zeirí, Íseáia, [Simeí], Haisaibiá, Maititiá; bhí seisear díobh faoi threoir Iadútún, a n-athair, a rinne fáidheoireacht le tionlacan na cruite ag moladh agus ag móradh an Tiarna.

4De Haemán: clann mhac Haemán: Buicíá, Matainiá, Uizíéil, Seabúéil, Iaraemót, Hanainiá, Hanáiní, Eilíátá, Giodailtí, Romaimtí Eizir, Iosbacáiseá, Malóití, Hóitír, Machaizíót.

5Clann mhac Haemán an fáidh iadsan go léir. Ba iad a shéideadh an stoc mar thionlacan le briathra Dé. Bhronn Dia ceathrar mac déag agus triúr iníon ar Haemán.

6Chanaidís go léir i dTeampall an Tiarna faoi threoir a n-athar, le tionlacan an chiombail, na cruite, na clairsí, i gcomhair an liotúirge i dteach an Tiarna faoi threoir

Casa de Deus, estando Asafe, Jedutum e Hemã debaixo das ordens do rei.

7 O número deles, juntamente com seus irmãos instruídos no canto do SENHOR, todos eles mestres, era de duzentos e oitenta e oito.

8 Deitaram sortes para designar os deveres, tanto do pequeno como do grande, tanto do mestre como do discípulo.

9 A primeira sorte tocou à família de Asafe e saiu a José; a segunda, a Gedalias, que, com seus irmãos e seus filhos, eram doze ao todo.

10 A terceira, a Zacur, seus filhos e seus irmãos, doze.

11 A quarta, a Izri, seus filhos e seus irmãos, doze.

12 A quinta, a Netanias, seus filhos e seus irmãos, doze.

13 A sexta, a Buquias, seus filhos e seus irmãos, doze.

14 A sétima, a Jesarela, seus filhos e seus irmãos, doze.

15 A oitava, a Jesaías, seus filhos e seus irmãos, doze.

16 A nona, a Matanias, seus filhos e seus irmãos, doze.

17 A décima, a Simei, seus filhos e seus irmãos, doze.

18 A undécima, a Azarel, seus filhos e seus irmãos, doze.

19 A duodécima, a Hasabias, seus filhos e seus irmãos, doze.

an rí. Maidir le hÁsáf, Iadútún agus Haemán,

7an méid díobh a bhí oilte le canadh don Tiarna, cláraíodh iad lena ngaolta; ba é líon na ndaoine a cláraíodh ná dhá chéad agus ochtó a hocht.

8Cuireadh a dtéarmaí dualgais ar cranna dóibh go léir, idir shóisear agus shinsear, idir mháistir agus dhalta.

9Ba é an chéad duine ar ar thit an crann an tÁsáfach, Iósaef; an dara duine, Gadailiá, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

10An tríú duine, Zacúr.

11An ceathrú duine, Ízrí, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

12An cúigiú duine, Natainiá, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

13An séú duine, Buicíá, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

14An seachtú duine, Aisearaelá, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

15An t-ochtú duine, Íseáia, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

16An naoú duine, Matainiá, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

17An deichiú duine, Simeí, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

18An t-aonú duine déag, Azarael, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

19An dara duine déag, Haisaibíá, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

[20] A décima terceira, a Subael, seus filhos e seus irmãos, doze.

[21] A décima quarta, a Matitias, seus filhos e seus irmãos, doze.

[22] A décima quinta, a Jerimote, seus filhos e seus irmãos, doze.

[23] A décima sexta, a Hananias, seus filhos e seus irmãos, doze.

[24] A décima sétima, a Josbecasa, seus filhos e seus irmãos, doze.

[25] A décima oitava, a Hanani, seus filhos e seus irmãos, doze.

[26] A décima nona, a Maloti, seus filhos e seus irmãos, doze.

[27] A vigésima, a Eliata, seus filhos e seus irmãos, doze.

[28] A vigésima primeira, a Hotir, seus filhos e seus irmãos, doze.

[29] A vigésima segunda, a Gidalti, seus filhos e seus irmãos, doze.

[30] A vigésima terceira, a Maaziote, seus filhos e seus irmãos, doze.

[31] A vigésima quarta, a Romanti-Ézer, seus filhos e seus irmãos, doze.

1 Crônicas 26

Os porteiros

[20]An tríú duine déag, Seabúéil, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

[21]An ceathrú duine déag, Maititiá, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

[22]An cúigiú duine déag, Iaraemót, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

[23]An séú duine déag, Hanainiá, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

[24]An seachtú duine déag, Iosbacáiseá, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

[25]An t-ochtú duine déag, Hanáiní, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

[26]An naoú duine déag, Malóití, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

[27]An fichiú duine, Eilíátá, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

[28]An t-aonú duine fichead, Hóitír, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

[29]An dara duine fichead, Giodailtí, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

[30]An tríú duine fichead, Machaizíót, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

[31]An ceathrú duine fichead, Romaimtí Eizir, a chlann mhac agus a bhráithre, dháréag ar fad.

1 Croinicí 26

Lucht Faire na nGeataí

1 Quanto aos turnos dos porteiros, dos coreítas: Meselemias, filho de Coré, dos filhos de Asafe.

2 Os filhos de Meselemias: Zacarias, o primogênito, Jediael, o segundo, Zebadias, o terceiro, Jatniel, o quarto,

3 Elão, o quinto, Joanã, o sexto, Elioenai, o sétimo.

4 Os filhos de Obede-Edom: Semaías, o primogênito, Jeozabade, o segundo, Joá, o terceiro, Sacar, o quarto, Natanael, o quinto.

5 Amiel, o sexto, Issacar, o sétimo, Peuletai, o oitavo; porque Deus o tinha abençoado.

6 Também a seu filho Semaías nasceram filhos, que dominaram sobre a casa de seu pai; porque foram homens valentes.

7 Os filhos de Semaías: Otni, Rafael, Obede e Elzabade, cujos irmãos Eliú e Semaquias eram homens valentes.

[31] Descansou com seus pais e foi sepultado na Cidade de Davi, seu pai, e Roboão, seu filho, reinou em seu lugar.

[31]Ansin chuaigh Solamh chun suain lena shinsir agus cuireadh é i gcathair Dháiví a

athair. Tháinig Rachabám a mhac i gcomharbacht air.

2 Crônicas 10

Roboão causa separação entre as tribos
1 Reis 12.1-15

[1] Foi Roboão a Siquém, porque todo o Israel se reuniu lá, para o fazer rei.

[2] Tendo Jeroboão, filho de Nebate, ouvido isso (pois estava ainda no Egito, para onde fugira da presença do rei Salomão), voltou do Egito.

[3] Mandaram chamá-lo; veio ele com todo o Israel a Roboão, e lhe falaram:

[4] Teu pai fez pesado o nosso jugo; agora, pois, alivia tu a dura servidão de teu pai e o seu pesado jugo que nos impôs, e nós te serviremos.

[5] Ele lhes respondeu: Após três dias, voltai a mim. E o povo se foi.

[6] Tomou o rei Roboão conselho com os homens idosos que estiveram na presença de Salomão, seu pai, quando este ainda vivia, dizendo: Como aconselhais que se responda a este povo?

[7] Eles lhe disseram: Se te fizeres benigno para com este povo, e lhes agradares, e lhes falares boas palavras, eles se farão teus servos para sempre.

[8] Porém ele desprezou o conselho que os anciãos lhe tinham dado e tomou conselho com os jovens que haviam crescido com ele e o serviam.

2 Croinicí 10

Aighneas

[1]Chuaigh Rachabám go Seicim mar go raibh Iosrael go léir imithe go Seicim chun é a fhógairt ina rí.

[2]Nuair a chuala Iarobám mac Nabát an scéal - bhí sé san Éigipt mar ar theith sé ó Sholamh rí - d'fhill sé ón Éigipt.

[3]Chuir siad fios air agus ghlaoigh siad air agus tháinig sé agus [an comhthionól] go léir in éineacht leis, agus dúirt siad le Rachabám:

[4]“Chuir d'athair ualach trom orainn le hiompar; bog daoirse dhian d'athar, agus a chuing atá go trom orainn, agus déanfaimid seirbhís duit.”

[5]Dúirt sé leo: “Tagaigí ar ais chugam faoi cheann trí lá.” D'imigh na daoine leo.

[6]Ansin chuaigh Rachabám rí i gcomhairle leis na seanóirí a bhí ag déanamh seirbhíse dá athair Solamh fad a mhair sé. “Cén freagra,” ar sé, “a mholfadh sibh ba chóir dom a thabhairt ar an muintir seo?”

[7]“Má bhíonn tú cneasta leis an bpobal seo,” ar siad, “agus má bhíonn tú lách leo, agus má bhíonn tú cóir leo, beidh siad mar sheirbhísigh agat go deo.”

[8]Ach dhiúltaigh sé don chomhairle a thug na seanóirí dó agus chuaigh sé i gcomhairle leis na hógánaigh, a d'fhás suas leis féin, a bhí ina sheirbhís.

[9] E disse-lhes: Que aconselhais vós que respondamos a este povo, que me falou, dizendo: Alivia o jugo que teu pai nos impôs?

[9]“Cén freagra a chomhairlíonn sibh dúinn a thabhairt ar an muintir seo a dúirt liom: ‘Bog dínn an chuing a leag d'athair orainn’?”

[10] E os jovens que haviam crescido com ele lhe disseram: Assim falarás ao povo que disse: Teu pai fez pesado o nosso jugo, mas alivia-o de sobre nós; assim lhe falarás: Meu dedo mínimo é mais grosso do que os lombos de meu pai.

[10]Agus d'fhreagair an dream óg a d'fhás suas leis agus dúirt leis: “Tabhair an freagra seo ar an muintir úd a dúirt: ‘Chuir d'athair ualach trom orainn le hiompar, ach déan é a éadromú dúinn’ - abair é seo leo: ‘Is raimhre mo lúidín ná coim m'athar.

[11] Assim que, se meu pai vos impôs jugo pesado, eu ainda vo-lo aumentarei; meu pai vos castigou com açoites, porém eu vos castigarei com escorpiões.

[11]Leag m'athair ualach trom oraibh. Cuirfidh mise, más ea, breis ualaigh oraibh. Bhuail m'athair sibh le lasca; buailfidh mise sibh le scairpeanna.’ ”

[12] Veio, pois, Jeroboão e todo o povo, ao terceiro dia, a Roboão, como o rei lhes ordenara, dizendo: Voltai a mim, ao terceiro dia.

[12]An tríú lá tháinig Iarobám agus an pobal go léir go Rachabám, faoi mar a d'ordaigh an rí á rá: “Tagaigí chugam arís an treas lá.”

[13] Dura resposta lhes deu o rei, porque o rei Roboão desprezara o conselho dos anciãos;

[13]Thug an rí freagra garbh orthu gan aon aird a thabhairt ar an gcomhairle a thug na seanóirí dó.

[14] e lhes falou segundo o conselho dos jovens, dizendo: Meu pai fez pesado o vosso jugo, porém eu ainda o agravarei; meu pai vos castigou com açoites, eu, porém, vos castigarei com escorpiões.

[14]Labhair Rachabám leo de réir chomhairle na n-ógfhear agus dúirt: “Leag m'athair ualach trom oraibh. Cuirfidh mise, más ea, breis ualaigh oraibh. Bhuail m'athair sibh le lasca; buailfidh mise sibh le scairpeanna.”

[15] O rei, pois, não deu ouvidos ao povo, porque isto vinha de Deus, para que o SENHOR confirmasse a palavra que tinha dito por intermédio de Aías, o silonita, a Jeroboão, filho de Nebate.

[15]Níor éist an rí dá réir sin leis an bpobal, agus bhí sin curtha i gcrích ag Dia ionas go gcomhlíonfadh an Tiarna an gealltanas a thug sé ó bhéal Aichíá ó Shileo do Iarobám mac Nabát.

Dez tribos seguem Jeroboão

1 Reis 12.16-20

[16] Vendo, pois, todo o Israel que o rei não lhe dava ouvidos, reagiu, dizendo: Que

[16]Nuair a chonaic Iosrael go léir nár thug an rí aon aird orthu, d'fhreagair an pobal

parte temos nós com Davi? Não há para nós herança no filho de Jessé! Cada homem à sua tenda, ó Israel! Cuida, agora, da tua casa, ó Davi! Então, Israel se foi às suas tendas.

an rí: “Cén chuid atá againn i nDáiví? Níl aon oidhreacht againn i mac Ieise. Chun bhur mbothanna libh, a Iosrael, gach duine agaibh. Tabhair aire do do theach féin feasta, a Dháiví!” Agus d'imigh Iosrael go léir leo chun a mbothanna.

[17] Quanto aos filhos de Israel, porém, que habitavam nas cidades de Judá, sobre eles reinou Roboão.

[17]Ach bhí Rachabám ina rí ar chlann Iosrael a bhí ina gcónaí i gcathracha Iúdá.

[18] Então, o rei Roboão enviou a Adorão, superintendente dos que trabalhavam forçados, porém os filhos de Israel o apedrejaram, e morreu. Mas o rei Roboão conseguiu tomar o seu carro e fugir para Jerusalém.

[18]Ansin chuir Rachabám rí uaidh Adorám a bhí i bhfeighil lucht an tsaothair éigeantaigh, ach chuir clann Iosrael chun báis de chlocha é; ansin níor mhór do Rachabám preabadh ina charbad agus teitheadh go Iarúsailéim.

[19] Assim, Israel se mantém rebelado contra a casa de Davi até ao dia de hoje.

[19]Agus ar an gcuma sin tá Iosrael scartha ó theaghlach Dháiví go dtí an lá inniu féin.

2 Crônicas 11

Deus proíbe que Roboão peleje contra as dez tribos

1 Reis 12.21-24

[1] Vindo, pois, Roboão a Jerusalém, reuniu a casa de Judá e de Benjamim, cento e oitenta mil escolhidos, destros para a guerra, para pelejar contra Israel, a fim de restituir o reino a Roboão.

[2] Porém veio a palavra do SENHOR a Semaías, homem de Deus, dizendo:

[3] Fala a Roboão, filho de Salomão, rei de Judá, e a todo o Israel em Judá e Benjamim, dizendo:

[4] Assim diz o SENHOR: Não subireis, nem pelejareis contra vossos irmãos; cada um volte para sua casa, porque eu é que fiz isto. E, obedecendo eles à palavra do

2 Croinicí 11

Dea-Bhearta Rachabám

[1]Ghabh Rachabám suas go Iarúsailéim agus chuir sé tionól ar theaghlach Iúdá agus ar Bhiniáimin, céad agus a hochtó míle de thogha na ngaiscíoch, ionas go gcuirfí cath ar theaghlach Iosrael agus go mbuafaí a ríocht ar ais do Rachabám.

[2]Ach tháinig briathar an Tiarna go Seamaiá, an giolla Dé, agus dúirt:

[3]“Abair é seo le Rachabám, mac Sholaimh, rí Iúdá, agus leis na hIosraelaigh go léir in Iúdá agus i mBiniáimin:

[4]Mar seo a deir an Tiarna: ‘Ná téigí chun troda in aghaidh bhur mbráithre. Filleadh gach duine ar a bhaile; an rud seo a tharla, is mise is cúis leis.’ ” D'éisteadar le

SENHOR, desistiram de subir contra Jeroboão.

briathar an Tiarna agus d'fhilleadar in ionad máirseáil in aghaidh Iarobám.

As cidades fortificadas de Roboão

5 Roboão habitou em Jerusalém e, para defesa, fortificou cidades em Judá;

5Chuir Rachabám faoi in Iarúsailéim agus thóg sé cathracha daingne in Iúdá.

6 fortificou, pois, a Belém, a Etã, a Tecoa,

6D'atóg sé Beithil agus Éatám agus Teacóá

7 a Bete-Zur, a Socó, a Adulão,

7agus Béit Zúr agus Sócó agus Adulám

8 a Gate, a Maressa, a Zife,

8agus Gat agus Máraeiseá agus Zíf

9 a Adoraim, a Laquis, a Azeca,

9agus Adóraím agus Láicís agus Azaecá

10 a Zorá, a Aijalom e a Hebrom, todas em Judá e Benjamim, cidades fortificadas.

10agus Zorá agus Aiálón agus Heabrón, cathracha daingne in Iúdá agus i mBiniáimin.

11 Assim, as tornou em fortalezas e pôs nelas comandantes e depósitos de víveres, de azeite e de vinho.

11Dhaingnigh sé na dúnta agus chuir ceannasaithe iontu agus stórais bhia agus ola agus fíona.

12 E pôs em cada cidade arsenal de paveses e lanças; fortificou-as sobremaneira. Judá e Benjamim ficaram-lhe sujeitas.

12Chuir sé sciatha agus gathanna sna cathracha go léir agus neartaigh sé go mór iad le Iúdá agus Biniáimin a choimeád faoi smacht.

Sacerdotes e levitas vêm a Jerusalém

13 Também os sacerdotes e os levitas que havia em todo o Israel recorreram a Roboão de todos os seus limites,

13D'fhág na sagairt agus na Léivítigh go léir na háiteanna ina raibh siad ar fud Iosrael agus thángadar chun cónaithe in aice leis.

14 porque os levitas deixaram os arredores das suas cidades e as suas possessões e vieram para Judá e para Jerusalém, porque Jeroboão e seus filhos os lançaram fora, para que não ministrassem ao SENHOR.

14Thréig na Léivítigh a dtailte féaraigh agus a ngabháltais agus tháinig siad go Iúdá agus Iarúsailéim, mar dhíbir Iarobám agus a mhic iad as sagartacht an Tiarna,

15 Jeroboão constituiu os seus próprios sacerdotes, para os altos, para os sátiros e para os bezerros que fizera.

15agus cheap sé a shagairt féin do na hardionaid, do na bocánaigh, agus do na laonna a rinne sé.

16 Além destes, também de todas as tribos de Israel os que de coração resolveram buscar o SENHOR, Deus de Israel, foram a

16Baill de threibheanna Iosrael, daoine a bhí tíolactha ar fad do sheirbhís an Tiarna Dia Iosrael, lean siad iad agus tháinig siad

Jerusalém, para oferecerem sacrifícios ao SENHOR, Deus de seus pais.

[17] Assim, fortaleceram o reino de Judá e corroboraram com Roboão, filho de Salomão, por três anos; porque três anos andaram no caminho de Davi e Salomão.

A família de Roboão

[18] Roboão tomou por esposa a Maalate, filha de Jerimote, filho de Davi, e filha de Abiail, filha de Eliabe, filho de Jessé,

[19] a qual lhe deu filhos: Jeús, Semarias e Zaão.

[20] Depois dela, tomou a Maaca, filha de Absalão; esta lhe deu a Abias, a Atai, a Ziza e a Selomite.

[21] Amava Roboão mais a Maaca, filha de Absalão, do que a todas as suas outras mulheres e concubinas; porque ele havia tomado dezoito mulheres e sessenta concubinas; e gerou vinte e oito filhos e sessenta filhas.

[22] Roboão designou a Abias, filho de Maaca, para ser chefe, príncipe entre seus irmãos, porque o queria fazer rei.

[23] Procedeu prudentemente e distribuiu todos os seus filhos por todas as terras de Judá e Benjamim, por todas as cidades fortificadas; deu-lhes víveres em abundância e lhes procurou muitas mulheres.

2 Crônicas 12

A invasão de Sisaque

1 Reis 14.25-28

go Iarúsailéim le híobairt a dhéanamh don Tiarna, Dia a sinsear.

[17]Chuireadarsan le neart ríocht Iúdá agus bhí siad ina dtaca ag Rachabám mac Sholaimh ar feadh trí bliana, mar lean sé sampla Dháiví agus Sholaimh ar feadh trí bliana.

Mídhílse Rachabám

[18]Ghlac Rachabám mar chéile, Machalat, iníon Irímiot mac Dháiví, agus Aibiochaíl iníon Eiliáb mac Ieise.

[19]Rug sí clann mhac dó: Ieúis, Seamairiá agus Záham.

[20]Ina diaidh sin ghlac sé Mácá iníon Aibseálóm mar chéile agus rug sí Aibíá, Atai, Zízeá, agus Sealomaít.

[21]Thug Rachabám grá do Mhácá iníon Aibseálóm thar a mhná agus a leannáin go léir. Bhí, dála an scéil, ocht mbean déag aige agus trí fichid leannán, agus bhí ochtar mac ar fhichid aige agus trí fichid iníon.

[22]Cheap Rachabám Aibíá mac Mhácá ina cheann fine, mar thaoiseach ar a bhráithre, mar gur mhian leis rí a dhéanamh de.

[23]Rinne sé a ghnó go críonna agus scaip sé cuid dá chlann mhac ar fud críocha Iúdá agus Bhiniáimin go léir agus sna cathracha daingne go léir agus thug sé lón go leor dóibh. Ach théadh sé i gcomhairle lena lán déithe de chuid a bhan.

2 Croinicí 12

[1] Tendo Roboão confirmado o reino e havendo-se fortalecido, deixou a lei do SENHOR, e, com ele, todo o Israel.

[2] No ano quinto do rei Roboão, Sisaque, rei do Egito, subiu contra Jerusalém (porque tinham transgredido contra o SENHOR),

[3] com mil e duzentos carros e sessenta mil cavaleiros; era inumerável a gente que vinha com ele do Egito, de líbios, suquitas e etíopes.

[4] Tomou as cidades fortificadas que pertenciam a Judá e veio a Jerusalém.

[5] Então, veio Semaías, o profeta, a Roboão e aos príncipes de Judá, que, por causa de Sisaque, se ajuntaram em Jerusalém, e disse-lhes: Assim diz o SENHOR: Vós me deixastes a mim, pelo que eu também vos deixei em poder de Sisaque.

[6] Então, se humilharam os príncipes de Israel e o rei e disseram: O SENHOR é justo.

[7] Vendo, pois, o SENHOR que se humilharam, veio a palavra do SENHOR a Semaías, dizendo: Humilharam-se, não os destruirei; antes, em breve lhes darei socorro, para que o meu furor não se derrame sobre Jerusalém, por intermédio de Sisaque.

[8] Porém serão seus servos, para que conheçam a diferença entre a minha servidão e a servidão dos reinos da terra.

[1]Agus a luaithe a bhí a údarás ríoga bunaithe go daingean, rinne sé féin agus Iosrael go léir chomh maith dlí an Tiarna a thréigean.

[2]Sa chúigiú bliain de réimeas Rachabám tháinig Síseac rí na hÉigipte aníos i gcoinne Iarúsailéim mar go rabhthas mídhílis don Tiarna;

[3]bhí dhá chéad déag carbad agus trí fichid míle marcach, agus líon gan áireamh ón Éigipt ina theannta - Libiaigh, Suicím agus Aetópaigh.

[4]Ghabh sé cathracha daingne Iúdá agus tháinig chomh fada le Iarúsailéim.

[5]Thionól Rachabám agus ceannairí Iúdá láimh le Iarúsailéim nuair a bhí Síseac ag bagairt, agus tháinig an fáidh Seamaiá chucu agus dúirt sé leo: “Mar seo a deir an Tiarna: ‘Thréig sibhse mise, agus dá bhrí sin d'fhág mise sibhse i láimh Shíseac.’ ”

[6]Ansin d'umhlaigh ceannairí Iúdá agus an rí iad féin agus dúirt: “Is cóir é an Tiarna.”

[7]Nuair a chonaic an Tiarna gur umhlaíodar iad féin, tháinig briathar an Tiarna go Seamaiá. “Rinne siad iad féin a umhlú,” dúirt sé, “agus ní dhéanfaidh mé iad a scriosadh. Fóirfidh mé orthu ar ball beag. Ní luífidh mo fhearg ar Iarúsailéim trí láimh Shíseac.

[8]Beidh siad ina ndaoir aige mar sin féin i dtreo go dtuigfidís a bhfuil idir seirbhís domsa agus seirbhís do ríochtaí na dtíortha iasachta.”

[9] Subiu, pois, Sisaque, rei do Egito, contra Jerusalém e tomou os tesouros da Casa do SENHOR e os tesouros da casa do rei; tomou tudo. Também levou todos os escudos de ouro que Salomão tinha feito.

[9]Tháinig Síseac rí ná hÉigipte aníos más ea in aghaidh Iarúsailéim, agus thug sé leis na seoda ó Theampall an Tiarna agus na seoda ón bpálás ríoga; thug sé gach rud leis, fiú na sciatha óir go léir a rinne Solamh.

[10] Em lugar destes fez o rei Roboão escudos de bronze e os entregou nas mãos dos capitães da guarda, que guardavam a porta da casa do rei.

[10]Ina n-áitsean rinne Rachabám sciatha cré-umha, agus chuir iad faoi chúram oifigigh gharda gheata pháláis an rí.

[11] Toda vez que o rei entrava na Casa do SENHOR, os da guarda vinham, e usavam os escudos, e tornavam a trazê-los para a câmara da guarda.

[11]Aon uair a théadh an rí chun an Teampaill, d'iompraíodh na gardaí iad, agus thugaidís ar ais chun seomra an gharda iad ina dhiaidh sin.

[12] Tendo-se ele humilhado, apartou-se dele a ira do SENHOR para que não o destruísse de todo; porque em Judá ainda havia boas coisas.

[12]De bhrí gur umhlaigh sé é féin, d'iompaigh fearg an Tiarna uaidh agus níor scrios sé ar fad é. Bhí an scéal go maith acu in Iúdá.

O reinado de Roboão

1 Reis 14.21-31

[13] Fortificou-se, pois, o rei Roboão em Jerusalém e continuou reinando. Tinha Roboão quarenta e um anos de idade quando começou a reinar e reinou dezessete anos em Jerusalém, cidade que o SENHOR escolheu dentre todas as tribos de Israel, para ali estabelecer o seu nome. Sua mãe se chamava Naamá, amonita.

[13]Dhaingnigh Rachabám a fhlaitheas in Iarúsailéim agus bhí faoi réim ann. Bhí Rachabám bliain agus daichead d'aois nuair a tháinig sé i gcoróin, agus bhí sé seacht mbliana déag i réim in Iarúsailéim, an chathair ar threibheanna Iosrael go léir a thogh an Tiarna lena ainm a lonnú ann. Námá, an tAmónach mná, ab ainm dá mháthair.

[14] Fez ele o que era mau, porquanto não dispôs o coração para buscar ao SENHOR.

[14]Rinne sé an t-olc mar nár luigh sé ó chroí le tóraíocht an Tiarna.

[15] Quanto aos mais atos de Roboão, tanto os primeiros como os últimos, porventura, não estão escritos no Livro da História de Semaías, o profeta, e no de Ido, o vidente, no registro das genealogias? Houve

[15]An chuid eile de stair Rachabám ó thús deireadh, nach bhfuil sé go léir scríofa in Annála Sheamaiá an fáidh, agus Ideo an físí, faoi eagrú na Léivíteach agus faoin

guerras entre Roboão e Jeroboão todos os seus dias.

[16] Descansou Roboão com seus pais e foi sepultado na Cidade de Davi; e Abias, seu filho, reinou em seu lugar.

tsíorchogaíocht idir Rachabám agus Iarobám?

[16]Ansin chuaigh Rachabám chun suain lena shinsir agus cuireadh é i gcathair Dháiví, a athair, agus tháinig a mhac Aibíá i gcomharbacht air.

2 Crônicas 13

O reinado de Abias
1 Reis 15.1-8

[1] No décimo oitavo ano do rei Jeroboão, Abias começou a reinar sobre Judá. Três anos reinou em Jerusalém.

[2] Era o nome de sua mãe Micaía, filha de Uriel, de Gibeá. Também houve guerra entre Abias e Jeroboão.

[3] Abias ordenou a peleja com um exército de valentes guerreiros, de quatrocentos mil homens escolhidos; e Jeroboão dispôs contra ele a batalha com oitocentos mil homens escolhidos, todos guerreiros valentes.

[4] Pôs-se Abias em pé no alto do monte Zemaraim, que está na região montanhosa de Efraim, e disse: Ouvi-me, Jeroboão e todo o Israel:

[5] Não vos convém saber que o SENHOR, Deus de Israel, deu para sempre a Davi a soberania de Israel, a ele e a seus filhos, por uma aliança de sal?

[6] Contudo, se levantou Jeroboão, filho de Nebate, servo de Salomão, filho de Davi, e se rebelou contra seu senhor.

2 Croinicí 13

Réimeas Aibíá

[1]San ochtú bliain déag de réimeas an rí Iarobám, tháinig Aibíá i gcoróin ar Iúdá.

[2]Bhí sé i réim ar feadh trí bliana in Iarúsailéim. Miocáiá ab ainm dá mháthair, iníon Úiríéil ó Ghibeá. Bhí Aibíá ag cogaíocht le Iarobám.

[3]Chuaigh Aibíá chun catha le slua trodairí cróga, ceithre chéad míle fear tofa, agus chuir Iarobám a ocht gcéad míle de fhir thofa, gaiscígh chalma, in eagar ina aghaidh.

[4]Sheas Aibíá ar Shliabh Zamáraím in ardáin Eafráim.

[5]“A Iarobám agus a Iosrael go léir,” ar sé, “nach bhfuil a fhios agaibh gur thug an Tiarna flaitheas Iosrael do Dháiví agus dá shliocht go brách trí chonradh dosháraithe?

[6]Ach dá ainneoin sin rinne Iarobám mac Nabát, searbhónta do Sholamh mac Dháiví, ceannairc in aghaidh a mháistir.

[7] Ajuntou-se a ele gente vadia, homens malignos; fortificaram-se contra Roboão, filho de Salomão; sendo Roboão ainda jovem e indeciso, não lhes pôde resistir.

[7]Bhailigh scraistí áirithe gan mhaith ina thimpeall, agus thugadar a ndúshlan faoi Rachabám mac Sholaimh agus Rachabám fós óg gan mhisneach agus gan ar a chumas cur ina gcoinne.

[8] Agora, pensais que podeis resistir ao reino do SENHOR, que está nas mãos dos filhos de Davi; bem sois vós uma grande multidão e tendes convosco os bezerros de ouro que Jeroboão vos fez para deuses.

[8]Tá sibh ag caint anois ar chur in aghaidh fhlaitheas an Tiarna atá i seilbh shliocht Dháiví de bhrí go bhfuil mathshlua mór díbh ansin le bhur laonna óir a rinne Iarobám le bheith mar dhéithe agaibh.

[9] Não lançastes fora os sacerdotes do SENHOR, os filhos de Arão e os levitas, e não fizestes para vós outros sacerdotes, como as gentes das outras terras? Qualquer que vem a consagrar-se com um novilho e sete carneiros logo se faz sacerdote daqueles que não são deuses.

[9]Nár dhíbir sibh sagairt an Tiarna, sliocht Árón agus na Léivítigh, d'fhonn sagairt a dhéanamh daoibh féin dála muintir thíortha eile? Aon duine a thagann le tarbh agus le seacht reithe le hé féin a choisreacan, déantar sagart de do dhia nach dia ar bith!

[10] Porém, quanto a nós, o SENHOR é nosso Deus, e nunca o deixamos; temos sacerdotes, que ministram ao SENHOR, a saber, os filhos de Arão e os levitas na sua obra.

[10]Maidir linne, is é an Tiarna ár nDia agus ní dhearnamar é a thréigean; tá sagairt againn ag fónamh don Tiarna; clann Árón iad agus is Léivítigh an lucht freastail.

[11] Cada dia, de manhã e à tarde, oferecem holocaustos e queimam incenso aromático, dispondo os pães da proposição sobre a mesa puríssima e o candeeiro de ouro e as suas lâmpadas para se acenderem cada tarde, porque nós guardamos o preceito do SENHOR, nosso Deus; porém vós o deixastes.

[11]Déanann siad íobairt uileloiscthe a ofráil don Tiarna ár nDia gach maidin agus tráthnóna, le túis na spíosraí cumhra; leagann siad amach arán na láithreachta ar an mbord naofa, agus déanann siad cúram den choinnleoir óir le go mbeadh a lóchrann ar lasadh gach tráthnóna. Óir déanaimidne liotúirge an Tiarna ár nDia a chomhlíonadh, ach thréig sibhse é.

[12] Eis que Deus está conosco, à nossa frente, como também os seus sacerdotes, tocando com as trombetas, para rebate contra vós outros, ó filhos de Israel; não

[12]Féach, tá an Tiarna linn, ar ár dtosach againn; féach a shagairt leis na stoic ar tí iad a shéideadh leis an ngáir chatha a chur suas i bhur n-aghaidh. A chlann Iosrael, ná

pelejeis contra o SENHOR, Deus de vossos pais, porque não sereis bem sucedidos.

troidigí in aghaidh an Tiarna, Dia ár sinsear, mar ní rithfidh libh."

13 Mas Jeroboão ordenou aos que estavam de emboscada que fizessem uma volta e dessem contra eles por detrás; de maneira que estavam em frente dos homens de Judá, e a emboscada, por detrás deles.

13Chuir Iarobám buíon i luíochán timpeall laistiar le hiad a ionsaí i leith a gcúil; bhí a shluaite ar bhéala Iúdá dá bhrí sin agus an luíochán ar a gcúla.

14 Olhou Judá e viu que a peleja estava por diante e por detrás; então, clamaram ao SENHOR, e os sacerdotes tocaram as trombetas.

14D'fheach Iúdá ina dtimpeall agus chonaic siad lucht ionsaithe rompu amach agus ina ndiaidh. Ghlaoigh siad ar an Tiarna agus shéid na sagairt na stoic.

15 Os homens de Judá gritaram; quando gritavam, feriu Deus a Jeroboão e a todo o Israel diante de Abias e de Judá.

15Chuir sluaite Iúdá a ngáir chatha suas, agus nuair a rinne siad amhlaidh, bhris an Tiarna ar Iarobám agus ar Iosrael go léir roimh Aibíá agus Iúdá.

16 Os filhos de Israel fugiram de diante de Judá, pois Deus os entregara nas suas mãos.

16Theith clann Iosrael roimh Iúdá agus thug Dia ar láimh dóibh iad.

17 De maneira que Abias e o seu povo fizeram grande matança entre eles; porque caíram feridos de Israel quinhentos mil homens escolhidos.

17Rinne Aibíá agus a shluaite ár agus eirleach orthu; thit cúig céad míle d'fhir thofa Iosrael marbh ar pháirc an áir.

18 Assim, foram humilhados os filhos de Israel naquele tempo; prevaleceram os filhos de Judá, porque confiaram no SENHOR, Deus de seus pais.

18Cloíodh clann Iosrael an uair sin agus bhí an lá le Iúdá ar an gcuma sin mar go raibh muinín acu as an Tiarna, Dia a sinsear.

19 Abias perseguiu a Jeroboão e lhe tomou cidades: Betel, Jesana e Efrom, com suas respectivas vilas.

19Chuaigh Aibíá sa tóir ar Iarobám agus ghabh cathracha áirithe uaidh, Béitéil lena shráidbhailte, Iseáná lena shráidbhailte, agus Eafrón lena shráidbhailte.

20 Jeroboão não restaurou mais o seu poder no tempo de Abias; feriu o SENHOR a Jeroboão, que morreu.

20Níor fhéad Iarobám a chumhacht a ghnóthú ar ais le linn Aibíá, agus threascair an Tiarna é agus d'éag sé.

[21] Abias, porém, se fortificou, e tomou para si catorze mulheres, e gerou vinte e dois filhos e dezesseis filhas.

[22] Quanto aos mais atos de Abias, tanto o que fez como o que disse, estão escritos no Livro da História do Profeta Ido.

2 Crônicas 14

O reinado de Asa
1 Reis 15.9-24

[1] Abias descansou com seus pais, e o sepultaram na Cidade de Davi. Em seu lugar reinou seu filho Asa, em cujos dias a terra esteve em paz dez anos.

[2] Asa fez o que era bom e reto perante o SENHOR, seu Deus.

[3] Porque aboliu os altares dos deuses estranhos e o culto nos altos, quebrou as colunas e cortou os postes-ídolos.

[4] Ordenou a Judá que buscasse ao SENHOR, Deus de seus pais, e que observasse a lei e o mandamento.

[5] Também aboliu de todas as cidades de Judá o culto nos altos e os altares do incenso; e houve paz no seu reinado.

[6] Edificou cidades fortificadas em Judá, pois havia paz na terra, e não houve guerra contra ele naqueles anos, porquanto o SENHOR lhe dera repouso.

[7] Disse, pois, a Judá: Edifiquemos estas cidades, cerquemo-las de muros e torres,

[21]Ach chuaigh Aibíá i neart; thóg sé ceathrar ban déag chuige féin agus ghin sé beirt mhac ar fhichid agus seisear iníonacha déag.

[22]An chuid eile de stair Aibíá, a bhearta agus a ghníomhartha, nach bhfuil sin go léir scríofa i scéala an fháidh Ideo?

[23] Ansin chuaigh Aibíá chun suain lena shinsir agus cuireadh é i gcathair Dháiví. Tháinig a mhac Ásá i gcomharbacht air. Bhí an tír faoi shíocháin ar feadh deich mbliana lena linn.

2 Croinicí 14

Síocháin i dTús Réimeas Ásá

[1] Rinne Ásá an ceart agus an chóir i bhfianaise an Tiarna a Dhia.

[2] Chuir sé deireadh leis na haltóirí deoranta agus leis na hardionaid, leag sé anuas na colúin agus ghearr anuas na cuaillí naofa,

[3] agus d'áitigh sé ar Iúdá an Tiarna a nDia a thóraíocht agus idir dhlí agus aithne a chomhlíonadh.

[4]Dhíbir sé na hardionaid agus na haltóirí túise as gach cathair in Iúdá. Bhí síocháin sa ríocht faoina réim.

[5] D'atóg sé cathracha daingne Iúdá, mar bhí an tír faoi shíocháin gan aon chogadh na blianta sin mar dheonaigh an Tiarna síocháin dó.

[6] “Déanaimis na cathracha seo a atógáil,” ar sé le Iúdá, “agus cuirimis ballaí agus

portas e ferrolhos, enquanto a terra ainda está em paz diante de nós, pois temos buscado ao SENHOR, nosso Deus; temo-lo buscado, e ele nos deu repouso de todos os lados.

[8] Edificaram e prosperaram. Tinha Asa, no seu exército, trezentos mil de Judá, que traziam pavês e lança, e duzentos e oitenta mil de Benjamim, que traziam escudo e atiravam com arco; todos eram homens valentes.

Asa vence a Zerá, o etíope

[9] Zerá, o etíope, saiu contra eles, com um exército de um milhão de homens e trezentos carros, e chegou até Maressa.

[10] Então, Asa saiu contra ele; e ordenaram a batalha no vale de Zefatá, perto de Maressa.

[11] Clamou Asa ao SENHOR, seu Deus, e disse: SENHOR, além de ti não há quem possa socorrer numa batalha entre o poderoso e o fraco; ajuda-nos, pois, SENHOR, nosso Deus, porque em ti confiamos e no teu nome viemos contra esta multidão. SENHOR, tu és o nosso Deus, não prevaleça contra ti o homem.

[12] O SENHOR feriu os etíopes diante de Asa e diante de Judá; e eles fugiram.

[13] Asa e o povo que estava com ele os perseguiram até Gerar; e caíram os etíopes sem restar nem um sequer; porque foram destroçados diante do SENHOR e diante do seu exército, e levaram dali mui grande despojo.

túir, geataí agus sparraí, timpeall á gcosaint. Fágfar an tír seo fúinn mar lorgamar an Tiarna ár nDia; lorgamar é agus thug sé síocháin dúinn ar gach taobh.” Rinneadar an tógáil dá bhrí sin agus bhí an rath orthu.

[7] Bhí arm de thrí chéad míle fear ó Iúdá le sciatha agus gathanna ag Ásá; agus dhá chéad ochtó míle fear ó Bhiniáimin a d'iompair sciath agus a láimhseáil bogha; gaiscígh thréana iadsan go léir.

Ionsaí Zearach

[8] Tháinig Zearach an Cúiseach le harm milliún fear agus trí chéad carbad amach ina gcoinne agus tháinig sé chomh fada le Máraeiseá.

[9] Chuaigh Ásá amach ina gcoinne agus chuir cóiriú catha ar a shluaite i nGleann Zafátá ag Máraeiseá.

[10] Ghlaoigh Ásá chun an Tiarna a Dhia: “A Thiarna,” ar sé, “ní féidir le haon duine ach tusa seasamh leis an lag in aghaidh an láidir. Cabhraigh linn, a Thiarna ár nDia, mar tá muinín againn asat, agus is i d'ainmse atáimid ag dul in aghaidh an tslua seo. A Thiarna, is tú ár nDia; fágadh an duine gach ní fútsa.”

[11] Bhris an Tiarna ar na Cúisigh roimh Ásá agus Iúdá, agus theith na Cúisigh.

[12] Chuir Ásá agus a lucht leanúna tóir orthu chomh fada le Gearár. Thit na Cúisigh ar lár i dtreo nár fágadh fear inste scéil mar treascraíodh iad roimh an Tiarna agus a shlua. Chruinníodar a lán creiche,

[14] Feriram todas as cidades ao redor de Gerar, porque o terror do SENHOR as havia invadido; e saquearam todas as cidades, porque havia nelas muita presa.

[15] Também feriram as tendas dos donos do gado, levaram ovelhas em abundância e camelos e voltaram para Jerusalém.

[13] agus chloíodar na cathracha go léir timpeall ar Ghearár mar bhí eagla an Tiarna orthusan. Chreach siad iad go léir mar bhí a lán éadála iontu.

[14] D'ionsaíodar freisin bothanna lucht an eallaigh agus thugadar leo raidhse caorach agus camall; agus ansin d'fhilleadar ar Iarúsailéim.

2 Crônicas 15

As reformas religiosas de Asa

[1] Veio o Espírito de Deus sobre Azarias, filho de Odede.

[2] Este saiu ao encontro de Asa e lhe disse: Ouvi-me, Asa, e todo o Judá, e Benjamim. O SENHOR está convosco, enquanto vós estais com ele; se o buscardes, ele se deixará achar; porém, se o deixardes, vos deixará.

[3] Israel esteve por muito tempo sem o verdadeiro Deus, sem sacerdote que o ensinasse e sem lei.

[4] Mas, quando, na sua angústia, eles voltaram ao SENHOR, Deus de Israel, e o buscaram, foi por eles achado.

[5] Naqueles tempos, não havia paz nem para os que saíam nem para os que entravam, mas muitas perturbações sobre todos os habitantes daquelas terras.

[6] Porque nação contra nação e cidade contra cidade se despedaçavam, pois Deus os conturbou com toda sorte de angústia.

[7] Mas sede fortes, e não desfaleçam as vossas mãos, porque a vossa obra terá recompensa.

2 Croinicí 15

Mionn Dílseachta

[1]Tháinig spiorad Dé ar Azairiá mac Ódaed

[2]agus ghabh sé amach i gcoinne Ásá agus dúirt leis: “Éist linn, a Ásá, a Iúdá agus a Bhiniáimin go léir. Tá an Tiarna in éineacht libh fad tá sibhse in éineacht leis. Má lorgann sibh é, gheobhaidh sibh é, ach má thréigeann sibh é, tréigfidh sé sibh.

[3]Is iomaí lá a chaith Iosrael gan Dia fírinneach, gan sagart le teagasc a thabhairt, gan dlí.

[4]Ach d'iompaigh siad chun an Tiarna Dia Iosrael as a n-anachain; lorg siad é agus fuair siad é.

[5]San am sin, ní raibh síocháin ag aosánach ar bith, mar bhí trioblóidí ina mílte sa mhullach ar áitritheoirí na gcríoch.

[6]Smiotadh iad; rinne náisiún náisiún a threascairt, agus cathair cathair eile, mar rinne Dia iad a chiapadh le gach sort anó.

[7]Ach maidir libhse, bíodh misneach agaibh, ná ligigí do bhur lámha dul i laige, mar gheobhaidh sibh luach bhur saothair.”

[8] Ouvindo, pois, Asa estas palavras e a profecia do profeta, filho de Odede, cobrou ânimo e lançou as abominações fora de toda a terra de Judá e de Benjamim, como também das cidades que tomara na região montanhosa de Efraim; e renovou o altar do SENHOR, que estava diante do pórtico do SENHOR.

[8]Nuair a chuala Ásá na focail sin agus an fháistine sin (le hÓdaed an fáidh), tháinig misneach chuige agus dhíbir sé na híola gráiniúla ó thír Iúdá agus Bhiniáimin, agus ó na cathracha a ghabh sé in ardáin Eafráim, agus dheisigh sé altóir an Tiarna a sheas os comhair phóirse an Tiarna.

[9] Congregou todo o Judá e Benjamim e também os de Efraim, Manassés e Simeão que moravam no seu meio, porque muitos de Israel desertaram para ele, vendo que o SENHOR, seu Deus, era com ele.

[9]Thionóil sé Iúdá agus Biniáimin go léir, agus muintir Eafráim, Mhanaise agus Shimeon a bhí ag cur fúthu ina dteannta, mar ghabh líon mór daoine anonn chuige ó Iosrael nuair a chonaic siad go raibh an Tiarna, a Dhia, ina theannta.

[10] Reuniram-se, em Jerusalém, no terceiro mês, no décimo quinto ano do reinado de Asa.

[10]Thángadar le chéile in Iarúsailéim sa tríú mí den chúigiú bliain déag de réimeas Ásá.

[11] Naquele dia, ofereceram em sacrifício ao SENHOR, do despojo que trouxeram, setecentos bois e sete mil ovelhas.

[11]D'ofráladar mar íobairt don Tiarna an lá sin as an gcreach a ghabhadar: seacht gcéad damh agus seacht míle caora.

[12] Entraram em aliança de buscarem ao SENHOR, Deus de seus pais, de todo o coração e de toda a alma;

[12]Agus rinne siad conradh go lorgfaidís an Tiarna, Dia a sinsear, lena gcroí go hiomlán agus lena n-anam go hiomlán,

[13] e de que todo aquele que não buscasse ao SENHOR, Deus de Israel, morresse, tanto o menor como o maior, tanto homem como mulher.

[13]agus cibé duine nach lorgfadh an Tiarna Dia Iosrael, go gcuirfí chun báis é, cibé acu óg nó aosta é, fear nó bean.

[14] Juraram ao SENHOR, em alta voz, com júbilo, e com clarins, e com trombetas.

[14]Thug siad mionn os ard don Tiarna le gártha agus le séideadh stoc agus adharc.

[15] Todo o Judá se alegrou por motivo deste juramento, porque, de todo o coração, eles juraram e, de toda a boa vontade, buscaram ao SENHOR, e por eles foi achado. O SENHOR lhes deu paz por toda parte.

[15]Chuir an mionn a thugadar le lánchroí lúcháir ar Iúdá go léir. Rinne siad an Tiarna a thóraíocht le dúthracht chroí agus fuair siad é agus thug sé síocháin dóibh ar gach taobh.

[16] O rei Asa depôs também a Maaca, sua mãe, da dignidade de rainha-mãe, porquanto ela havia feito a Aserá, uma abominável imagem; Asa destruiu-lhe a imagem, que, feita em pó, queimou no vale de Cedrom.

[17] Os altos, porém, não foram tirados de Israel; todavia, o coração de Asa foi perfeito todos os seus dias.

[18] Trouxe à Casa de Deus as coisas consagradas por seu pai e as coisas que ele mesmo consagrara: prata, ouro e objetos de utilidade.

[19] Não houve guerra até ao trigésimo quinto ano do reinado de Asa.

2 Crônicas 16

Asa faz aliança com o rei da Síria

1 Reis 15.16-22

[1] No trigésimo sexto ano do reinado de Asa, subiu Baasa, rei de Israel, contra Judá e edificou a Ramá, para que a ninguém fosse permitido sair de junto de Asa, rei de Judá, nem chegar a ele.

[2] Então, Asa tomou prata e ouro dos tesouros da Casa do SENHOR e dos tesouros da casa do rei e enviou servos a Ben-Hadade, rei da Síria, que habitava em Damasco, dizendo:

[3] Haja aliança entre mim e ti, como houve entre meu pai e teu pai. Eis que te mando prata e ouro; vai e anula a tua aliança com Baasa, rei de Israel, para que se retire de mim.

[16]Bhain Ásá rí dínit na ríonmháthar dá mháthair Mácá mar go dearna sí dealbh ghráiniúil do Aiséará. Ghearr Ásá an dealbh anuas agus dhóigh í i nGleann Chidreon.

[17]Cé nár scuabadh chun siúil na hardionaid, bhí croí Ásá gan locht i gcaitheamh a shaoil go léir.

[18]Chuir sé isteach i dTeampall Dé na tabhartais a thíolaic a athair agus é féin, idir ór agus airgead agus ghréithe.

[19]Go dtí an cúigiú bliain tríochad de réimeas Ásá, ní raibh aon chogadh.

2 Croinicí 16

Bearta Eile agus Bás Ásá

[1]Sa séú bliain tríochad de réimeas Ásá ghabh Báiseá rí Iosrael suas i gcoinne Iúdá agus dhaingnigh sé Rámá d'fhonn léigear a chur ar Ásá rí Iúdá.

[2]Thóg Ásá leis ansin an t-airgead agus an t-ór ó chistí Theampall an Tiarna agus phálás an rí agus sheol iad go Bein Hadad rí Arám a raibh cónaí air sa Damaisc leis an teachtaireacht:

[3]“Bíodh conradh idir mise agus thusa, faoi mar a bhí idir m'athair agus d'athairse. Féach, táim ag cur airgid agus óir chugat. Tar agus bris an conradh atá agat le Báiseá rí Iosrael agus caithfidh sé cúlú ó mo chríocha.”

[4] Ben-Hadade deu ouvidos ao rei Asa e enviou os capitães dos seus exércitos contra as cidades de Israel; e feriu a Ijom, a Dã, a Abel-Maim e todas as cidades-armazéns de Naftali.

[5] Ouvindo isso Baasa, deixou de edificar a Ramá e não continuou a sua obra.

[6] Então, o rei Asa tomou todo o Judá, e trouxeram as pedras de Ramá e a sua madeira com que Baasa a edificara; com elas edificou Asa a Geba e a Mispa.

Asa repreendido por Hanani

[7] Naquele tempo, veio Hanani a Asa, rei de Judá, e lhe disse: Porquanto confiaste no rei da Síria e não confiaste no SENHOR, teu Deus, o exército do rei da Síria escapou das tuas mãos.

[8] Acaso, não foram os etíopes e os líbios grande exército, com muitíssimos carros e cavaleiros? Porém, tendo tu confiado no SENHOR, ele os entregou nas tuas mãos.

[9] Porque, quanto ao SENHOR, seus olhos passam por toda a terra, para mostrar-se forte para com aqueles cujo coração é totalmente dele; nisto procedeste loucamente; por isso, desde agora, haverá guerras contra ti.

[10] Porém Asa se indignou contra o vidente e o lançou no cárcere, no tronco, porque se enfurecera contra ele por causa disso; na mesma ocasião, oprimiu Asa alguns do povo.

[4]D'aontaigh Bein Hadad agus sheol sé lucht ceannais a airm i gcoinne cathracha Iosrael. Ghabh sé Íón agus Dán agus Abael Máím agus cathracha stóir Naftáilí go léir.

[5]Nuair a chuala Báiseá é sin, scor sé de bheith ag daingniú Rámá agus d'éirigh as an ngnó sin.

[6]Thionóil Ásá rí Iúdá go léir agus thug siad chun siúil na clocha agus an t-adhmad lena raibh Báiseá ag tógáil, agus leis an méid sin dhaingnigh sé Geaba agus Mizpeá.

[7]Ansin a tháinig Hanáiní an físí go hÁsá rí Iúdá agus dúirt leis: “De bhrí nach raibh muinín agat as an Tiarna do Dhia, ach as rí Arám, sleamhnóidh arm rí Arám as do láimh.

[8]Nárbh arm mór le hiliomad carbad agus marcach iad na Cúisigh agus na Libiaigh? Ach de bhrí gur chuir sibh bhur muinín sa Tiarna, nár tugadh ar láimh daoibh iad?

[9]Ós rud é go mbíonn súile an Tiarna ar guardal ar fud chlár na cruinne lena chumhacht a chur i bhfeidhm ar mhaithe leo siúd a bhfuil a gcroí gan cháim ina leith, is baoth mar a rinne sibh sa ghnó seo; as seo amach beidh cogaí in bhur measc.”

[10]Chuir an físí fearg ar Ásá agus chuir an rí i ngeimhle i gcarcair é le barr feirge leis dá bharrsan; san am céanna thosaigh Ásá ar chos ar bolg a imirt ar chuid den phobal freisin.

[11] Eis que os mais atos de Asa, tanto os primeiros como os últimos, estão escritos no Livro da História dos Reis de Judá e Israel.

[11]Tá stair Ásá ó thús deireadh scríofa i Leabhar Ríthe Iúdá agus Iosrael.

A morte de Asa
1 Reis 15.23-24

[12] No trigésimo nono ano do seu reinado, caiu Asa doente dos pés; a sua doença era em extremo grave; contudo, na sua enfermidade não recorreu ao SENHOR, mas confiou nos médicos.

[12]Bhuail drochghalar Ásá sna cosa an naoú bliain tríochad dá réimeas, agus ghéaraigh ar an ngalar. Ach ina ghalar ní dheachaigh sé i muinín an Tiarna ach i muinín dochtúirí.

[13] Descansou Asa com seus pais; morreu no quadragésimo primeiro ano do seu reinado.

[13]Chuaigh Ásá chun suain lena shinsir, d'éag sé san aonú bliain is daichead dá réimeas.

[14] Sepultaram-no no sepulcro que mandara abrir para si na Cidade de Davi; puseram-no sobre um leito, que se enchera de perfumes e de várias especiarias, preparados segundo a arte dos perfumistas. Foi mui grande a queima que lhe fizeram destas coisas.

[14]Chuireadar é sa tuama a d'ordaigh sé a thochailt dó féin i gcathair Dháiví. Leagadar ar chróchar é faoi bhrat spíosraí agus olaí cumhra a ullmhaíodh le healaín an chumhradóra agus d'adhnadar béileach mhór thine ina onóir.

2 Crônicas 17

Estabelecido o reinado de Josafá

[1] Em lugar de Asa, reinou seu filho Josafá, que se fortificou contra Israel;

[2] ele pôs tropas em todas as cidades fortificadas de Judá e estabeleceu guarnições na terra de Judá, como também nas cidades de Efraim, que Asa, seu pai, tinha tomado.

[3] O SENHOR foi com Josafá, porque andou nos primeiros caminhos de Davi, seu pai, e não procurou a baalins.

2 Croinicí 17

Tús Réimeas Iahóiseáfát

[1]Tháinig Iahóiseáfát a mhac i gcomharbacht air agus dhaingnigh sé a cheannas ar Iosrael.

[2]Chuir sé buíonta saighdiúirí i gcathracha daingne Iúdá go léir, agus cheap sé ceannairí i dtír Iúdá agus sna bailte in Eafráim a ghabh a athair Ásá.

[3]Bhí an Tiarna i dteannta Iahóiseáfát mar gur lean sé sampla a athar mar a bhí i dtús a réisean, agus ní dheachaigh sé i muinín na mBálaím,

[4] Antes, procurou ao Deus de seu pai e andou nos seus mandamentos e não segundo as obras de Israel.

[4]chloígh sé le Dia a athar, agus lean a aitheanta in áit sampla Iosrael.

[5] O SENHOR confirmou o reino nas suas mãos, e todo o Judá deu presentes a Josafá, o qual teve riquezas e glória em abundância.

[5]Dhaingnigh an Tiarna, dá bhrí sin, an ríocht ina ghreim, agus thug Iúdá go léir cáin do Iahóiseáfát, agus bhí saibhreas agus maoin go flúirseach aige.

[6] Tornou-se-lhe ousado o coração em seguir os caminhos do SENHOR, e ainda tirou os altos e os postes-ídolos de Judá.

[6]Bhí misneach ina chroí le siúl i gcosáin an Tiarna agus scrios sé arís na hardionaid agus na cuaillí naofa i Iúdá.

[7] No terceiro ano do seu reinado, enviou ele os seus príncipes Ben-Hail, Obadias, Zacarias, Natanael e Micaías, para ensinarem nas cidades de Judá;

[7]Sa tríú bliain dá réimeas chuir sé a fheidhmeannaigh: Bein Haíl, Obaidiá, Zacairiá, Natanael agus Míocáiá le teagasc a thabhairt i gcathracha Iúdá.

[8] e, com eles, os levitas Semaías, Netanias, Zebadias, Asael, Semiramote, Jônatas, Adonias, Tobias e Tobe-Adonias; e, com estes levitas, os sacerdotes Elisama e Jeorão.

[8]Ghabh na Léivítigh seo leanas leosan: Seamaiá, Natainiá, Zabaidiá, Asáhael, Simíreámót, Iahónátan, Adoiníá, Tóibíá agus Tób Adóinía. Léivítigh iadsan, agus in éineacht leo bhí na sagairt Eilíseámá agus Iahórám.

[9] Ensinaram em Judá, tendo consigo o Livro da Lei do SENHOR; percorriam todas as cidades de Judá e ensinavam ao povo.

[9]Rinne siad teagasc in Iúdá agus leabhar dhlí an Tiarna acu agus chuaigh siad timpeall cathracha uile Iúdá ag teagasc an phobail.

[10] Veio o terror do SENHOR sobre todos os reinos das terras que estavam ao redor de Judá, de maneira que não fizeram guerra contra Josafá.

[10]Thit eagla an Tiarna ar ríochtaí uile na gcríoch i gcóngar Iúdá agus ní dhearna siad cogadh ar Iahóiseáfát.

[11] Alguns dos filisteus traziam presentes a Josafá e prata como tributo; também os arábios lhe trouxeram gado miúdo, sete mil e setecentos carneiros e sete mil e setecentos bodes.

[11]Thug cuid de na Filistínigh bronntanais go dtí Iahóiseáfát agus airgead mar cháin; thug na hArabaigh féin seacht míle seacht gcéad reithe agus seacht míle seacht gcéad pocán gabhair.

[12] Josafá se engrandeceu em extremo, continuamente; e edificou fortalezas e cidades-armazéns em Judá.
[13] Empreendeu muitas obras nas cidades de Judá; e tinha, em Jerusalém, gente de guerra e homens valentes.
[14] Este é o número deles segundo as suas famílias: em Judá, eram capitães de mil: o chefe Adna e, com ele, trezentos mil homens valentes;

[15] depois dele, o capitão Joanã e, com ele, duzentos e oitenta mil;

[16] e, depois, Amasias, filho de Zicri, que, voluntariamente, se ofereceu ao serviço do SENHOR, e, às suas ordens, duzentos mil homens valentes.
[17] De Benjamim, Eliada, homem valente, e, com ele, duzentos mil, armados de arco e de escudo;
[18] depois dele, Jozabade, com cento e oitenta mil armados para a guerra.
[19] Estavam estes no serviço do rei, afora os que o rei tinha posto nas cidades fortificadas por todo o Judá.

2 Crônicas 18

Aliança entre Josafá e Acabe

1 Reis 22.1-4

[1] Tinha Josafá riquezas e glória em abundância; e aparentou-se com Acabe.
[2] Ao cabo de alguns anos, foi ter com Acabe, em Samaria. Acabe matou ovelhas e bois em abundância, para ele e para o povo que viera com ele; e o persuadiu a subir, com ele, a Ramote-Gileade.

[12]Chuaigh Iahóiseáfát i neart agus i neart. Thóg sé daingin agus cathracha stóir in Iúdá;
[13]bhí lón mór aige i gcathracha Iúdá. Bhí buíon saighdiúirí gaiscígh ghroí, in Iarúsailéim.

[14]Seo mar a rangaíodh iad de réir finí: de Iúdá, mar cheannairí míle: Adná an ceannaire le trí chéad míle curadh calma;

[15]faoina cheannas-san Iahóchánán an ceannaire le dhá chéad agus a hochtó míle fear;

[16]faoina cheannas-san Amásá mac Zicrí, óglach i seirbhís an Tiarna, le dhá chéad míle curadh calma.
[17]De Bhiniáimin: Eiliádá gaiscíoch calma, le dhá chéad míle fear iompartha bogha agus scéithe;
[18]faoina cheannas-san Iahózábád le céad agus a hochtó míle armtha chun cogaidh.
[19]Sin iad na fir a bhí ag déanamh seirbhíse don rí seachas an mhuintir a chuir an rí san cathracha daingne ar fud Iúdá ar fad

2 Croinicí 18

Conradh le hAchább

[1]Bhí Iahóiseáfát faoi bhláth maoine agus onóra, agus rinne sé cleamhnas le hAcháb.
[2]Tar éis roinnt blianta thug sé turas ar Acháb sa tSamáir. Mharaigh Acháb líon mór caorach agus damh dó féin agus dá lucht leanúna lena áiteamh air Rámot Gileád a ionsaí.

[3] Acabe, rei de Israel, perguntou a Josafá, rei de Judá: Irás tu, comigo, a Ramote-Gileade? Respondeu-lhe Josafá: Serei como tu és, o meu povo, como o teu povo; iremos, contigo, à peleja.

[3]Chuir Acháb rí Iosrael ceist ar Iahóiseáfát rí Iúdá: "An dtiocfaidh tú liom go Rámot Gileád?" D'fhreagair Iahóiseáfát: "Táimse chomh hullamh chun catha leat féin, agus mo mhuintirse le do mhuintirse."

As promessas dos falsos profetas

1 Reis 22.5-12

[4] Disse mais Josafá ao rei de Israel: Consulta, primeiro, a palavra do SENHOR.

[4]Ach dúirt Iahóiseáfát le rí Iosrael: "Faigh ar dtús comhairle an Tiarna."

[5] Então, o rei de Israel ajuntou os profetas, quatrocentos homens, e lhes disse: Iremos à peleja contra Ramote-Gileade ou deixarei de ir? Eles disseram:

[5]Chruinnigh rí Iosrael na fáithe le chéile, dá bhrí sin, ceithre chéad díobh. "Ar chóir dúinn dul agus Rámot Gileád a ionsaí," d'fhiafraigh sé díobh, "nó éirí as?" "Téigh," ar siad, "mar tabharfaidh an Tiarna i lámha an rí é."

[6] Sobe, porque Deus a entregará nas mãos do rei. Disse, porém, Josafá: Não há, aqui, ainda algum profeta do SENHOR, para o consultarmos?

[6]Ach dúirt Iahóiseáfát: "An bhfuil aon fháidh eile leis an Tiarna anseo againn le dul i gcomhairle leis?"

[7] Respondeu o rei de Israel a Josafá: Há um ainda, por quem podemos consultar o SENHOR; porém eu o aborreço, porque nunca profetiza de mim o que é bom, mas somente o que é mau.

[7]D'fhreagair rí Iosrael Iahóiseáfát: "Tá aon duine amháin eile lenar féidir linn comhairle an Tiarna a fháil, ach is gráin liom é mar nach mbíonn riamh tairngreacht fhónta aige domsa, ach drochchinn i gcónaí; Míocáia mac Imleá an duine sin." "Níor chóir don rí a leithéid sin a rá," arsa Iahóiseáfát.

[8] Este é Micaías, filho de Inlá. Disse Josafá: Não fale o rei assim. Então, o rei de Israel chamou um oficial e disse: Traze-me depressa a Micaías, filho de Inlá.

[8]Chuir rí Iosrael fios ar dhuine de na coillteáin dá bhrí sin agus dúirt: "Tabhair Míocáia mac Imleá chugam gan mhoill."

[9] O rei de Israel e Josafá, rei de Judá, estavam assentados, cada um no seu trono, vestidos de trajes reais, numa eira à entrada da porta de Samaria; e todos os profetas profetizavam diante deles.

[9]Bhí rí Iosrael agus Iahóiseáfát rí Iúdá ina suí ina ríchathaoireacha ina lánlibhré ag an urlár buailte ag geata na Samáire agus na fáithe go léir ag fáidheoireacht os a gcomhair.

[10] Zedequias, filho de Quenaana, fez para si uns chifres de ferro e disse: Assim diz o SENHOR: Com este, escornearás os siros, até de todo os consumir.

[11] Todos os profetas profetizaram assim, dizendo: Sobe a Ramote-Gileade e triunfarás, porque o SENHOR a entregará nas mãos do rei.

A profecia de Micaías
1 Reis 22.13-28

[12] O mensageiro que fora chamar a Micaías falou-lhe, dizendo: Eis que as palavras dos profetas, a uma voz, predizem coisas boas para o rei; seja, pois, a tua palavra como a palavra de um deles, e fala o que é bom.

[13] Respondeu Micaías: Tão certo como vive o SENHOR, o que meu Deus me disser, isso falarei.

[14] E, vindo ele ao rei, este lhe perguntou: Micaías, iremos a Ramote-Gileade, à peleja, ou deixarei de ir? Ele respondeu: Sobe e triunfarás, porque eles serão entregues nas vossas mãos.

[15] O rei lhe disse: Quantas vezes te conjurarei que não me fales senão a verdade em nome do SENHOR?

[16] Então, disse ele: Vi todo o Israel disperso pelos montes, como ovelhas que não têm pastor; e disse o SENHOR: Estes não têm dono; torne cada um em paz para sua casa.

[17] Então, o rei de Israel disse a Josafá: Não te disse eu que ele não profetiza a meu

[10]Bhí adharca iarainn déanta ag Zidicíá mac Chanáná dó féin. “Seo mar a deir an Tiarna:” ar sé, “ ‘Déanfaidh tú na hAramaeigh a ropadh leo seo go dtí go scriosfaidh tú iad.’ ”

[11]Rinne na fáithe go léir an tairngreacht chéanna: “Gluais leat go Rámot Gileád,” ar siad, “agus beir bua. Tabharfaidh an Tiarna i lámha an rí é.”

[12]An teachtaire a chuaigh ag triall ar Mhíocáia, dúirt sé leis: “Seo iad na fáithe go léir ag labhairt ar aon fhocal le dea-thuar don rí. Labhairse ar aon dul leo agus déan tairngreacht fhabhrach.”

[13]Ach d'fhreagair Míocáia: “Dar an Tiarna beo, cibé a déarfaidh mo Dhia, sin é an briathar a labhróidh mé.”

[14]Nuair a tháinig sé chun an rí, dúirt an rí: “A Mhíocáia, ar chóir dúinn dul agus Rámot Gileád a ionsaí, nó ligean dó?” D'fhreagair sé: “Gluaisigí agus beirigí bua! Tabharfar in bhur lámha iad.”

[15]Ach dúirt an rí: “An minic a chaithfidh mé thú a chur faoi bhrí na mionn gan ach an fhírinne a rá liom in ainm an Tiarna?”

[16]Ansin labhair Míocáia: “Chonaic mé Iosrael go léir scáinte ar na sléibhte mar chaoirigh gan aoire, agus dúirt an Tiarna: ‘Níl maistir orthu; téadh gach duine abhaile faoi shíocháin.’ ”

[17]Ansin dúirt rí Iosrael le Iahóiseáfát: “Nár dhúirt mé nach maith a thairngríonn sé dom riamh ach olc.”

respeito o que é bom, mas somente o que é mau?

[18] Micaías prosseguiu: Ouvi, pois, a palavra do SENHOR: Vi o SENHOR assentado no seu trono, e todo o exército do céu estava à sua direita e à sua esquerda.

[19] Perguntou o SENHOR: Quem enganará Acabe, o rei de Israel, para que suba e caia em Ramote-Gileade? Um dizia desta maneira, e outro, de outra.

[20] Então, saiu um espírito, e se apresentou diante do SENHOR, e disse: Eu o enganarei. Perguntou-lhe o SENHOR: Com quê?

[21] Respondeu ele: Sairei e serei espírito mentiroso na boca de todos os seus profetas. Disse o SENHOR: Tu o enganarás e ainda prevalecerás; sai e faze-o assim.

[22] Eis que o SENHOR pôs o espírito mentiroso na boca de todos estes teus profetas e o SENHOR falou o que é mau contra ti.

[23] Então, Zedequias, filho de Quenaana, deu uma bofetada em Micaías e disse:

[24] Por onde saiu o Espírito do SENHOR para falar a ti? Disse Micaías: Eis que o verás naquele mesmo dia, quando entrares de câmara em câmara, para te esconderes.

[25] Então, disse o rei de Israel: Tomai a Micaías e devolvei-o a Amom, governador da cidade, e a Joás, filho do rei;

[18]Lean Míocáia air: “Éist más ea le briathar an Tiarna. Chonaic mé an Tiarna ina shuí ina ríchathaoir; bhí slua neimhe go léir ina seasamh ina láthair ar dheis agus ar a chlé.

[19]Dúirt an Tiarna: ‘Cé mheallfaidh Acháb chun fód a bháis ag Rámot Gileád? ’ Dúirt cuid díobh seo agus a thuilleadh siúd.

[20]Ansin tháinig spiorad ar aghaidh agus sheas os comhair an Tiarna: ‘Déanfaidh mise é a mhealladh, ’ ar sé.’Conas? ’ arsa an Tiarna.

[21]D'fhreagair sé: ‘Imeoidh mé agus beidh mé i mo spiorad éithigh i mbéal a fháithe go léir.’ ‘Meallfaidh tú é, ’ arsa an Tiarna, ‘rithfidh leat. Téigh agus déan é.’

[22]Féach anois, más ea, mar a chuir an Tiarna spiorad éithigh i mbéal d'fháithe anseo. Ach tá tubaiste fógartha ag an Tiarna i d'aghaidh.”

[23]Tháinig Zidicíá mac Chanáná chun tosaigh ansin agus bhuail sé Míocáia i gcorrán a ghéill, agus dúirt: “Conas a d'fhág spiorad an Tiarna mise le labhairt leatsa?”

[24]“Sin rud a gheobhaidh tú amach,” d'fhreagair Míocáia, “an lá a theithfidh tú i seomra cúil le dul i bhfolach.”

[25]Dúirt rí Iosrael: “Gabhaigí Míocáia agus tugaigí ar láimh é d'Ámón, rialtóir na cathrach, agus don phrionsa Ioáis,

[26] e direis: Assim diz o rei: Metei este homem na casa do cárcere e angustiai-o com escassez de pão e de água, até que eu volte em paz.

[27] Disse Micaías: Se voltares em paz, não falou o SENHOR, na verdade, por mim. Disse mais: Ouvi isto, vós, todos os povos!

A morte de Acabe
1 Reis 22.29-40

[28] Subiram o rei de Israel e Josafá, rei de Judá, a Ramote-Gileade.

[29] Disse o rei de Israel a Josafá: Eu me disfarçarei e entrarei na peleja; tu, porém, traja as tuas vestes. Disfarçou-se, pois, o rei de Israel, e entraram na peleja.

[30] Ora, o rei da Síria dera ordem aos capitães dos seus carros, dizendo: Não pelejareis nem contra pequeno nem contra grande, mas somente contra o rei de Israel.

[31] Vendo os capitães dos carros a Josafá, disseram: Este é o rei de Israel. Portanto, a ele se dirigiram para o atacar. Josafá, porém, gritou, e o SENHOR o socorreu; Deus os desviou dele.

[32] Vendo os capitães dos carros que não era o rei de Israel, deixaram de o perseguir.

[33] Então, um homem entesou o arco e, atirando ao acaso, feriu o rei de Israel por entre as juntas da sua armadura; então, disse este ao seu cocheiro: Vira e leva-me para fora do combate, porque estou gravemente ferido.

[26]agus abraigí: 'Seo iad orduithe an rí: Cuirigí an duine seo i bpríosún agus ná tugaigí mar chothú dó ach arán agus uisce go bhfille mé ar ais slán folláin.' ”

[27]Dúirt Míocáia: “Má fhilleann tú slán folláin, níor labhair an Tiarna as mo bhéal.” (Agus dúirt sé: “Éistigí, a chiníocha go léir.”)

[28]Chuaigh rí Iosrael agus Iahóiseáfát rí Iúdá suas in aghaidh Rámot Gileád.

[29]Dúirt rí Iosrael le Iahóiseáfát: “Cuirfidh mé bréagriocht orm féin agus mé ag dul sa chath, ach bíodh d'éidí rí ortsa.” Chuir rí Iosrael bréagriocht air féin agus chuaigh isteach sa chath.

[30]Thug rí Arám ordú dá cheannairí carbad: “Ná tugaigí fogha faoi aon duine beag ná mór, ach faoi rí Iosrael.”

[31]Nuair a chonaic ceannairí na gcarbad Iahóiseáfát dúradar: “Sin é ar ndóigh, rí Iosrael,” agus d'iompaíodar air. Ach chuir Iahóiseáfát gáir suas, agus tháinig an Tiarna i gcabhair air agus chuir Dia iad dá n-ionsaí air,

[32]agus thuig ceannairí na gcarbad nárbh é rí Iosrael é, agus d'éiríodar as an tóir.

[33]Ach tharraing duine de na saighdiúirí a bhogha de bhuille faoi thuairim, agus bhuail sé rí Iosrael idir éide chatha agus lúireach: “Iompaigh timpeall,” arsa an rí lena charbadóir, “agus beir leat as an gcath mé mar táim gonta.”

[34] A peleja tornou-se renhida naquele dia; quanto ao rei, segurou-se a si mesmo de pé no carro defronte dos siros, até à tarde, mas, ao pôr-do-sol, morreu.

[34]Ach ghéaraigh ar an gcath i gcaitheamh an lae; choimeád an rí é féin ina sheasamh ina charbad le teanntaí agus a aghaidh ar na hAramaeigh go tráthnóna; agus d'éag sé le fuineadh an lae.

2 Crônicas 19

O profeta Jeú repreende a Josafá

[1] Josafá, rei de Judá, voltou para sua casa em paz, para Jerusalém.

[2] O vidente Jeú, filho de Hanani, saiu ao encontro do rei Josafá e lhe disse: Devias tu ajudar ao perverso e amar aqueles que aborrecem o SENHOR? Por isso, caiu sobre ti a ira da parte do SENHOR.

[3] Boas coisas, contudo, se acharam em ti; porque tiraste os postes-ídolos da terra e dispuseste o coração para buscares a Deus.

Nomeação de juízes

[4] Habitou, pois, Josafá em Jerusalém; tornou a passar pelo povo desde Berseba até à região montanhosa de Efraim e fez que ele tornasse ao SENHOR, Deus de seus pais.

[5] Estabeleceu juízes no país, em todas as cidades fortificadas, de cidade em cidade.

[6] Disse aos juízes: Vede o que fazeis, porque não julgais da parte do homem, e sim da parte do SENHOR, e, no julgardes, ele está convosco.

2 Croinicí 19

Leasú Creidimh

[1]D'fhill Iahóiseáfát rí Iúdá abhaile slán folláin go Iarúsailéim.

[2]Ghabh Iéahú mac Hanáiní, an físí, amach ina choinne, agus dúirt sé leis an rí Iahóiseáfát: “Ar chóir duit lámh chúnta a thabhairt don choirpeach? Ar chóir duit grá a thabhairt dóibh siúd ar fuath leo an Tiarna agus a fhearg a thabhairt sa mhullach ort dá bharrsan?

[3]Tá maitheas éigin ionat mar sin féin mar go bhfuil na cuaillí naofa scriosta as an tír agat, agus tá do chroí dírithe agat ar thóraíocht Dé.”

[4]Tar éis tamaill a chaitheamh in Iarúsailéim, thug Iahóiseáfát cuaird ar a phobal ó Bhéar Seaba go hardáin Eafráim, lena dtabhairt ar ais chuig an Tiarna, Dia a sinsear.

[5]Cheap sé breithiúna ar fud na tíre i gcathracha daingne Iúdá go léir ceann ar cheann.

[6]Dúirt sé leis na breithiúna: “Machnaigí ar bhur ndualgais, mar níl sibh le breith a thabhairt in ainm daoine, ach in ainm an Tiarna; agus bíonn seisean in éineacht libh agus sibh ag tabhairt breithe.

[7] Agora, pois, seja o temor do SENHOR convosco; tomai cuidado e fazei-o, porque não há no SENHOR, nosso Deus, injustiça, nem parcialidade, nem aceita ele suborno.

[7]Bíodh eagla an Tiarna oraibh anois; tugaigí aire dá mbíonn idir lámha agaibh, mar níl aon bhaint ag an Tiarna ár nDia le calaois ná leathchuma ná le breaba a ghlacadh."

[8] Também, depois de terem voltado para Jerusalém, estabeleceu aí Josafá alguns dos levitas, e dos sacerdotes, e dos cabeças das famílias de Israel para julgarem da parte do SENHOR e decidirem as sentenças contestadas.

[8]Cheap Iahóiseáfát Léivítigh agus sagairt agus cinn fíní Iosraelacha in Iarúsailéim le breith a thabhairt in ainm an Tiarna agus caingne a réiteach. Bhí [a gcúirt acu] in Iarúsailéim,

[9] Deu-lhes ordem, dizendo: Assim, andai no temor do SENHOR, com fidelidade e inteireza de coração.

[9]agus thug Iahóiseáfát na treoracha seo leanas dóibh: "Comhlíonaigí bhur ndualgais le heagla an Tiarna, go dílis dúthrachtach.

[10] Toda vez que vier a vós outros sentença contestada de vossos irmãos que habitam nas suas cidades: entre sangue e sangue, lei e mandamento, estatutos e juízos, admoestai-os, que não se façam culpados para com o SENHOR, para que não venha grande ira sobre vós e sobre vossos irmãos; fazei assim e não vos tornareis culpados.

[10]Cibé aighneas a chuirfear faoi bhur mbráid ó bhur mbráithre atá ag cur fúthu ina gcathracha - is cuma an ceist faoi éiric fola é nó faoin dlí, nó faoi aithne nó ordú, nó reacht - ní foláir daoibh iad a theagasc sna cúrsaí sin i dtreo nach mbeidh siad ciontach i láthair an Tiarna, agus nach dtiocfaidh a fhearg oraibh féin agus ar bhur mbráithre. Déanaigí amhlaidh agus ní bheidh sibh ciontach.

[11] Eis que Amarias, o sumo sacerdote, presidirá nas coisas que dizem respeito ao SENHOR; e Zebadias, filho de Ismael, príncipe da casa de Judá, nas que dizem respeito ao rei. Também os levitas serão oficiais à vossa disposição. Sede fortes no cumprimento disso, e o SENHOR será com os bons.

[11]Beidh Amairiá an t-ardsagart i gceannas agaibh ar chúraimí an Tiarna go léir, agus Zabaidiá mac Ismeáéil, reachtaire theaghlach Iúdá, i gcúraimí an rí. Beidh na Léivítigh agaibh mar scríobhaithe. Bíodh misneach agaibh agus cuirigí na treoracha sin i gcrích, agus beidh an Tiarna ansiúd leis an rath a chur oraibh."

2 Crônicas 20

A vitória de Josafá sobre Moabe e Amom

2 Croinicí 20

Bua ar Naimhde trí Chabhair an Tiarna

[1] Depois disto, os filhos de Moabe e os filhos de Amom, com alguns dos meunitas, vieram à peleja contra Josafá.
[2] Então, vieram alguns que avisaram a Josafá, dizendo: Grande multidão vem contra ti dalém do mar e da Síria; eis que já estão em Hazazom-Tamar, que é En-Gedi.
[3] Então, Josafá teve medo e se pôs a buscar ao SENHOR; e apregoou jejum em todo o Judá.
[4] Judá se congregou para pedir socorro ao SENHOR; também de todas as cidades de Judá veio gente para buscar ao SENHOR.

[5] Pôs-se Josafá em pé, na congregação de Judá e de Jerusalém, na Casa do SENHOR, diante do pátio novo,

[6] e disse: Ah! SENHOR, Deus de nossos pais, porventura, não és tu Deus nos céus? Não és tu que dominas sobre todos os reinos dos povos? Na tua mão, está a força e o poder, e não há quem te possa resistir.

[7] Porventura, ó nosso Deus, não lançaste fora os moradores desta terra de diante do teu povo de Israel e não a deste para sempre à posteridade de Abraão, teu amigo?
[8] Habitaram nela e nela edificaram um santuário ao teu nome, dizendo:
[9] Se algum mal nos sobrevier, espada por castigo, peste ou fome, nós nos apresentaremos diante desta casa e diante de ti, pois o teu nome está nesta casa; e

[1]Ina dhiaidh sin tháinig na Móábaigh, na hAmónaigh, agus cuid de na [Méúnaigh] chun cogadh a chur ar Iahóiseáfát.
[2]Tháinig daoine le teachtaireacht go dtí Iahóiseáfát: “Tá slua mór ag teacht i do choinne ó Eadóm ón taobh eile den fharraige; tá siad ag Hazazón Támár, . i. Éan Geidí, cheana féin.”
[3]Tháinig scéin ar Iahóiseáfát agus chinn sé dul i muinín an Tiarna; d'fhógair sé troscadh ar Iúdá ar fad.
[4]Chruinnigh Iúdá le chéile chun cabhair a lorg ar an Tiarna; tháinig siad ó gach cathair i Iúdá ar lorg an Tiarna.
[5]Ag an gcomhthionól seo de mhuintir Iúdá agus Iarúsailéim i dTeampall an Tiarna, sheas Iahóiseáfát os comhair na cúirte nua,
[6]agus dúirt: “A Thiarna, a Dhia ár sinsear, nach tusa an Dia a chónaíonn sna flaithis? Nach bhfuil tusa i gceannas ar ríochtaí na gciníocha go léir? Tá a leithéid de chumhacht agus de neart i do lámhasa nach féidir le haon duine cur i do choinne.

[7]Nach tusa ár nDia a dhíbir áitritheoirí na tíre seo amach roimh Iosrael do phobal, agus a thug é go brách do shliocht Abrahám, do chara?

[8]Chuir siadsan fúthu ann agus thóg siad sanctóir do d'ainm ann,
[9]á rá: ‘Má bhuaileann tubaiste sinn - cogadh nó daorbhreith, nó galar, nó gorta - seasfaimid os comhair an Teampaill seo agus os do chomhairse, mar tá d'ainm sa

clamaremos a ti na nossa angústia, e tu nos ouvirás e livrarás.

Teampall seo. Agus glaofaimid ort as umar ár n-aimléise agus tabharfaidh tú cluas agus éisteacht dúinn.'

[10] Agora, pois, eis que os filhos de Amom e de Moabe e os do monte Seir, cujas terras não permitiste a Israel invadir, quando vinham da terra do Egito, mas deles se desviaram e não os destruíram,

[10]Seo chugainn anois muintir Amón agus Mhóáb agus Shliabh Shaeír; nuair a bhí Iosrael ag teacht amach as an Éigipt níor cheadaigh tú d'Iosrael iad a ionsaí; chas Iosrael i leataobh agus níor scrios siad iad -

[11] eis que nos dão o pago, vindo para lançar-nos fora da tua possessão, que nos deste em herança.

[11]ach seo mar atá díolaíocht á déanamh acu anois, ag teacht dár dtiomáint amach as na tailte a thug tú dúinn mar oidhreacht.

[12] Ah! Nosso Deus, acaso, não executarás tu o teu julgamento contra eles? Porque em nós não há força para resistirmos a essa grande multidão que vem contra nós, e não sabemos nós o que fazer; porém os nossos olhos estão postos em ti.

[12]Nach ndéanfaidh tusa, ár nDia, breithiúnas orthu, mar nach bhfuil aon neart ionainn in aghaidh an tslua ábhalmhóir seo atá ag teacht inár gcoinne. Ní eol dúinn cad tá le déanamh againn, ach tá ár n-aird go léir ortsa!"

[13] Todo o Judá estava em pé diante do SENHOR, como também as suas crianças, as suas mulheres e os seus filhos.

[13]Bhí Iúdá go léir ina seasamh i láthair an Tiarna, a n-aosóga, a mná agus a leanaí.

[14] Então, veio o Espírito do SENHOR no meio da congregação, sobre Jaaziel, filho de Zacarias, filho de Benaia, filho de Jeiel, filho de Matanias, levita, dos filhos de Asafe,

[14]Tháinig spiorad an Tiarna i lár an chomhthionóil ar Iachazíéil mac Zacairiá, mac Bhanáiá, mac Ieíéil, mac Mhatainiá an Léivíteach, duine de chlann Ásáf;

[15] e disse: Dai ouvidos, todo o Judá e vós, moradores de Jerusalém, e tu, ó rei Josafá, ao que vos diz o SENHOR. Não temais, nem vos assusteis por causa desta grande multidão, pois a peleja não é vossa, mas de Deus.

[15]dúirt sé: "Éistigí, a fheara uile Iúdá, agus sibhse a chónaíonn in Iarúsailéim, agus tusa a rí Iahóiseáfát! Mar seo a deir an Tiarna libh: 'Ná bíodh eagla oraibh agus ná cuireadh an mathshlua mór seo drochmhisneach oraibh! Ní libhse an cath seo ach le Dia.

[16] Amanhã, descereis contra eles; eis que sobem pela ladeira de Ziz; encontrá-los-eis no fim do vale, defronte do deserto de Jeruel.

[17] Neste encontro, não tereis de pelejar; tomai posição, ficai parados e vede o salvamento que o SENHOR vos dará, ó Judá e Jerusalém. Não temais, nem vos assusteis; amanhã, saí-lhes ao encontro, porque o SENHOR é convosco.

[18] Então, Josafá se prostrou com o rosto em terra; e todo o Judá e os moradores de Jerusalém também se prostraram perante o SENHOR e o adoraram.

[19] Dispuseram-se os levitas, dos filhos dos coatitas e dos coreítas, para louvarem o SENHOR, Deus de Israel, em voz alta, sobremaneira.

[20] Pela manhã cedo, se levantaram e saíram ao deserto de Tecoa; ao saírem eles, pôs-se Josafá em pé e disse: Ouvi-me, ó Judá e vós, moradores de Jerusalém! Crede no SENHOR, vosso Deus, e estareis seguros; crede nos seus profetas e prosperareis.

[21] Aconselhou-se com o povo e ordenou cantores para o SENHOR, que, vestidos de ornamentos sagrados e marchando à frente do exército, louvassem a Deus, dizendo: Rendei graças ao SENHOR, porque a sua misericórdia dura para sempre.

[16]Cuirigí chun bóthair ina gcoinne amárach! Féach! tá siad ag teacht Ard Zíz aníos agus tiocfaidh sibh orthu i lúib an ghleanna lastoir de fhásach Iarúael.

[17]Ní bheidh oraibh troid sa chath seo; téigí chun bhur láithreacha, seasaigí an fód, agus feicigí an bua atá i ndán daoibh ag an Tiarna. A Iúdá agus a Iarúsailéim, ná bíodh scéin ná drochmhisneach oraibh! Gluaisigí amach ina gcoinne amárach agus beidh an Tiarna in bhur dteannta.' "

[18]Ansin chrom Iahóiseáfát a cheann agus a aghaidh chun talún agus chaith Iúdá go léir agus áitritheoirí Iarúsailéim iad féin ar a mbéala in ómós don Tiarna.

[19]Ansin sheas na Léivítigh, na Cohátaigh agus na Corachaigh, leis an Tiarna, Dia Iosrael, a mholadh, in ard a gcinn agus a ngutha.

[20]D'éirigh siad go moch ar maidin agus d'imigh siad leo go fásach Theacóá. Ag cur chun bealaigh dóibh sheas Iahóiseáfát ansiúd agus dúirt: "Éistigí liom a fheara Iúdá, sibhse a chónaíonn in Iarúsailéim! Bíodh muinín agaibh sa Tiarna bhur nDia agus ní baol daoibh. Bíodh muinín agaibh ina fháithe agus beidh an lá libh."

[21]Chuaigh sé i gcomhairle leis an bpobal ansin agus chuir sé cantairí an Tiarna, ina n-éidí beannaithe, ag ceann an tslua lena mholtaí a chanadh, agus á rá: "Molaigí an Tiarna, mar maireann a bhuanghrá de shíor."

[22] Tendo eles começado a cantar e a dar louvores, pôs o SENHOR emboscadas contra os filhos de Amom e de Moabe e os do monte Seir que vieram contra Judá, e foram desbaratados.

[23] Porque os filhos de Amom e de Moabe se levantaram contra os moradores do monte Seir, para os destruir e exterminar; e, tendo eles dado cabo dos moradores de Seir, ajudaram uns aos outros a destruir-se.

[24] Tendo Judá chegado ao alto que olha para o deserto, procurou ver a multidão, e eis que eram corpos mortos, que jaziam em terra, sem nenhum sobrevivente.

[25] Vieram Josafá e o seu povo para saquear os despojos e acharam entre os cadáveres riquezas em abundância e objetos preciosos; tomaram para si mais do que podiam levar e três dias saquearam o despojo, porque era muito.

[26] Ao quarto dia, se ajuntaram no vale de Bênção, onde louvaram o SENHOR; por isso, chamaram àquele lugar vale de Bênção, até ao dia de hoje.

[27] Então, voltaram todos os homens de Judá e de Jerusalém, e Josafá, à frente deles, e tornaram para Jerusalém com alegria, porque o SENHOR os alegrara com a vitória sobre seus inimigos.

[28] Vieram para Jerusalém com alaúdes, harpas e trombetas, para a Casa do SENHOR.

[22]Nuair a chrom siad ar a laoithe mórtha agus molta, rinne an Tiarna luíochán ar fhir Amón agus Mhóáb agus Shliabh Shaeír a bhí tagtha chun Iúdá a ionsaí, agus cuireadh an teitheadh orthu.

[23]Thug fir Amón agus Mhóáb fogha faoi mhuintir Shliabh Shaeír lena scriosadh faoin mbang, ach ní dhearnadar ach cuidiú le díthiú a chéile, nuair a bhí muintir Shaeír scriosta acu.

[24]Nuair a shroich muintir Iúdá an áit óna bhfuil radharc ar an bhfásach agus gur thug siad aghaidh ar an mathshlua, féach, ní raibh ach corpáin gan anam sínte ar an talamh; níor fágadh fear inste scéil.

[25]Tháinig Iahóiseáfát ansin agus a shluaite lena gcreachadh agus fuair siad mórchuid eallaigh agus maoine agus éadaí agus seod; bhailíodar thar mar ab fhéidir leo a bhreith leo; bhí an chreach chomh mór sin go rabhadar trí lá á cruinniú.

[26]Ar an gceathrú lá thionóil siad i nGleann na Beannachta mar ar bheannaíodar an Tiarna go dearfa; uime sin atá an t-ainm Gleann na Beannachta á thabhairt ar an áit go dtí inniu féin.

[27]Ansin d'fhill muintir Iúdá agus Bhiniáimin go léir, faoi cheannas Iahóiseáfát, ar ais go Iarúsailéim faoi lúcháir; óir bhí ábhar lúcháire faoina naimhde faighte acu ón Tiarna.

[28]Thángadar go Iarúsailéim, agus go Teampall an Tiarna, le ceol cláirsí agus cruite agus stoic;

[29] Veio da parte de Deus o terror sobre todos os reinos daquelas terras, quando ouviram que o SENHOR havia pelejado contra os inimigos de Israel.

[30] Assim, o reino de Josafá teve paz, porque Deus lhe dera repouso por todos os lados.

O reinado e a morte de Josafá

1 Reis 22.41-51

[31] Josafá reinou sobre Judá; tinha trinta e cinco anos quando começou a reinar e reinou vinte e cinco anos em Jerusalém. Sua mãe se chamava Azuba, filha de Sili.

[32] Ele andou no caminho de Asa, seu pai, e não se desviou dele, fazendo o que era reto perante o SENHOR.

[33] Contudo, os altos não se tiraram, porque o povo não tinha ainda disposto o coração para com o Deus de seus pais.

[34] Quanto aos mais atos de Josafá, tanto os primeiros como os últimos, eis que estão escritos nas Crônicas registradas por Jeú, filho de Hanani, que as inseriu na História dos Reis de Israel.

[35] Depois disto, Josafá, rei de Judá, se aliou com Acazias, rei de Israel, que procedeu iniquamente.

[36] Aliou-se com ele, para fazerem navios que fossem a Társis; e fizeram os navios em Eziom-Geber.

[37] Porém Eliézer, filho de Dodavá, de Maressa, profetizou contra Josafá, dizendo: Porquanto te aliaste com Acazias, o SENHOR destruiu as tuas obras.

[29]agus tháinig eagla Dé ar ríochtaí uile na dtíortha iasachta nuair a chuala siad conas mar a throid an Tiarna in aghaidh naimhde Iosrael.

[30]Bhí ríocht Iahóiseáfát faoi shíocháin mar gur thug a Dhia síocháin dó ar a theorainneacha uile máguaird.

Críoch a Ré

[31]Sin mar a bhí ag Iahóiseáfát i gcoróin Iúdá. Bhí sé cúig bliana déag ar fhichid nuair a tháinig sé i gcoróin agus bhí sé cúig bliana fichead i réim in Iarúsailéim. Azúbá iníon Shilchí ab ainm dá mháthair.

[32]Lean sé sampla a athar Ásá gach cor den bhóthar ag déanamh an chirt i bhfianaise an Tiarna.

[33]Ach níor scriosadh fós na hardionaid, agus ní raibh a gcroí fós dírithe ag an bpobal ar Dhia a sinsear.

[34]An chuid eile de stair Iahóiseáfát, ó thús deireadh, nach bhfuil sé scríofa in Annála Iéahú mac Hanáiní atá cóipeáilte i Leabhar Ríthe Iosrael.

[35]Ina dhiaidh sin rinne Iahóiseáfát rí Iúdá conradh le hAchaizíá rí Iosrael, a chuir ar bhóthar a aimhleasa é.

[36]Rinne sé comhar leis ag tógáil long le dul go Tairsís agus thóg siad na longa in Eizión Geibir.

[37]Rinne Eilíeizir mac Dhódaváhú ó Mháraeiseá tairngreacht in aghaidh Iahóiseáfát á rá: “De bhrí go ndearna tú conradh le hAchaizíá,” ar sé, “tá do shaothar millte ag an Tiarna.” Scriosadh

E os navios se quebraram e não puderam ir a Társis.

na longa agus níor éirígh leo riamh seoladh go Tairsís.

2 Crônicas 21

O reinado de Jeorão
2 Reis 8.16-24

1 Descansou Josafá com seus pais e foi sepultado com eles na Cidade de Davi; e Jeorão, seu filho, reinou em seu lugar.

2 Teve este irmãos, filhos de Josafá: Azarias, Jeiel, Zacarias, Azarias, Micael e Sefatias; todos estes foram filhos de Josafá, rei de Israel.

3 Seu pai lhes fez muitas dádivas de prata, ouro e coisas preciosas e ainda de cidades fortificadas em Judá; porém o reino deu a Jeorão, por ser o primogênito.

4 Tendo Jeorão assumido o reino de seu pai e havendo-se fortificado, matou todos os seus irmãos à espada, como também alguns dos príncipes de Israel.

5 Era Jeorão da idade de trinta e dois anos quando começou a reinar e reinou oito anos em Jerusalém.

6 Andou nos caminhos dos reis de Israel, como também fizeram os da casa de Acabe, porque a filha deste era sua mulher; e fez o que era mau perante o SENHOR.

7 Porém o SENHOR não quis destruir a casa de Davi por causa da aliança que com ele fizera, segundo a promessa que lhe

2 Croinicí 21

1 Chuaigh Iahóiseáfát chun suain lena shinsear, agus cuireadh é i gcathair Dháiví. Tháinig a mhac Iahórám i gcomharbacht air.

Cionta agus Tubaiste

2 Bhí [seisear] deartháireacha ag Iahórám, clann mhac Iahóiseáfát: Azairiá, Ichíéil, Zacairiá, Azairiáhú, Míocáéil, Seafaitiá; clann mhac Iahóiseáfát rí Iúdá iadsan go léir.

3 Bhronn a n-athair a lán bronntanas airgid, óir agus seod agus cathracha daingne in Iúdá orthusan, ach bhronn sé an choróin ar Iahórám mar gurbh é an chéadghin.

4 Nuair a tháinig Iahórám i gcoróin i ndiaidh a athar agus gur dhaingnigh sé a ghreim uirthi, chuir sé a dheartháireacha go léir chun báis le faobhar claímh, agus cuid d'oifigh Iosrael chomh maith leo.

5 Bhí Iahórám dhá bhliain déag ar fhichid nuair a tháinig sé i gcoróin agus bhí sé ocht mbliana i réim in Iarúsailéim.

6 Lean sé sampla ríthe Iosrael mar a bhí déanta ag sliocht Achább, mar go raibh sé pósta le hiníon Achább. Rinne sé an t-olc i bhfianaise an Tiarna.

7 Ach ní scriosfadh an Tiarna teaghlach Dháiví de bharr an chonartha a rinne sé le Dáiví agus de bhrí go raibh sé dílis don

havia feito de dar a ele, sempre, uma lâmpada e a seus filhos.

ghealltanas a thug sé go bhfágfadh sé lampa aige féin agus ag a shliocht go brách.

[8] Nos dias de Jeorão, se revoltaram os edomitas contra o poder de Judá e constituíram o seu próprio rei.

[8]Lena linn rinne Eadóm ceannairc in aghaidh Iúdá agus cheapadar rí dá gcuid féin.

[9] Pelo que Jeorão passou adiante com todos os seus chefes, e todos os carros, com ele; de noite, se levantou e feriu os edomitas que o cercavam e os capitães dos carros.

[9]Ansin ghabh Iahórám sall lena cheannairí agus lena charbaid. D'éirigh sé san oíche agus bhris sé amach lena cheannairí carbad trí shluaite na nEadómach, a bhí ina thimpeall.

[10] Assim, se rebelou Edom para livrar-se do poder de Judá, até ao dia de hoje; ao mesmo tempo, se rebelou também Libna contra Jeorão, porque este deixara ao SENHOR, Deus de seus pais.

[10]Chaith Eadóm díobh cuing Iúdá ar an gcuma sin agus tá siad saor go dtí an lá inniu. Rinne Libneá ceannairc in aghaidh a cheannais an t-am céanna mar gur thréig sé an Tiarna, Dia a shinsear.

[11] Também fez altos nos montes de Judá, e seduziu os habitantes de Jerusalém à idolatria, e fez desgarrar a Judá.

[11]Thóg sé ardionaid in ardáin Iúdá, agus thug ar áitritheoirí Iarúsailéim a bheith mídhílis agus chuir sé Iúdá ar seachrán.

[12] Então, lhe chegou às mãos uma carta do profeta Elias, em que estava escrito: Assim diz o SENHOR, Deus de Davi, teu pai: Porquanto não andaste nos caminhos de Josafá, teu pai, e nos caminhos de Asa, rei de Judá,

[12]Tháinig litir chuige ó Éilias fáidh á rá: “Seo mar a deir an Tiarna, Dia Dháiví d'athair: ‘De bhrí nár lean tú sampla Iahóiseáfát d'athair, ná Ásá rí Iúdá,

[13] mas andaste nos caminhos dos reis de Israel, e induziste à idolatria a Judá e os moradores de Jerusalém, segundo a idolatria da casa de Acabe, e também mataste a teus irmãos, da casa de teu pai, melhores do que tu,

[13]ach sampla ríthe Iosrael, agus gur thug tú ar Iúdá agus ar áitritheoirí Iarúsailéim a bheith mídhílis, faoi mar a thug teaghlach Achráb ar Iosrael a bheith mídhílis, agus gur mharaigh tú, as do theaghlach féin, do dheartháireacha ab fhearr d'fhir ná thú féin,

[14] eis que o SENHOR castigará com grande flagelo ao teu povo, aos teus filhos, às tuas mulheres e todas as tuas possessões.

[14]féach, [buailfidh] an Tiarna le tubaiste mhór [thú féin] agus do mhuintir agus do

shliocht agus do chuid ban agus do mhaoin go léir.

[15] Tu terás grande enfermidade nas tuas entranhas, enfermidade que aumentará dia após dia, até que saiam as tuas entranhas.

[15]Tiocfaidh galair [gháifeacha] ort féin, agus galar cliabhraigh chomh géar sin go sceithfidh tú d'ionathar le himeacht aimsire.' ”

[16] Despertou, pois, o SENHOR contra Jeorão o ânimo dos filisteus e dos arábios que estão do lado dos etíopes.

[16]Mhúscail an Tiarna fearg na bhFilistíneach, agus na nArabach atá láimh leis na Cúisigh, in aghaidh Iahórám.

[17] Estes subiram a Judá, deram contra ele e levaram todos os bens que se acharam na casa do rei, como também a seus filhos e as suas mulheres; de modo que não lhe deixaram filho algum, senão Jeoacaz, o mais moço deles.

[17]D'ionsaigh siad Iúdá agus rinne ionradh air agus thugadar leo an mhaoin go léir a fuair siad, a bhain le teaghlach an rí, agus a chlann mhac, agus a chuid ban, i dtreo nach raibh mac fágtha aige ach Achaizíá, an té ab óige.

[18] Depois de tudo isto, o SENHOR o feriu nas suas entranhas com enfermidade incurável.

[18]Ansin threascair an Tiarna le galar doleighiste sa chliabhrach é.

[19] E, aumentando esta dia após dia, ao cabo de dois anos, saíram-lhe as entranhas por causa da enfermidade, e morreu com terríveis agonias. O seu povo não lhe queimou aromas, como se fez a seus pais.

[19]Lean sé de breis agus bliain agus nuair a bhí dhá bhliain caite agus é ar an dé deiridh thit a ionathar amach as le déine an ghalair, agus fuair sé bás i ngéarphian. Níor las an pobal tine dó murab ionann agus a athair.

[20] Era ele da idade de trinta e dois anos quando começou a reinar e reinou oito anos em Jerusalém. E se foi sem deixar de si saudades; sepultaram-no na Cidade de Davi, porém não nos sepulcros dos reis.

[20]Bhí sé dhá bhliain déag ar fhichid nuair a tháinig sé i gcoróin agus bhí sé ocht mbliana i gcoróin in Iarúsailéim. D'imigh sé ar shlí na fírinne gan aon duine á chaoineadh agus chuireadar é i gcathair Dháiví, cé nárbh i dtuamaí na ríthe é.

2 Crônicas 22

O reinado de Acazias

2 Reis 8.25-29

[1] Os moradores de Jerusalém, em lugar de Jeorão, fizeram rei a Acazias, seu filho

2 Croinicí 22

Réimeas Achaizíá

[1]Rinne muintir Iarúsailéim rí d'Achaizíá, an mac ab óige aige, ina áit, mar go raibh

mais moço; porque a tropa, que viera com os arábios ao arraial, tinha matado todos os mais velhos. Assim, reinou Acazias, filho de Jeorão, rei de Judá.

na mic a ba shine go léir marbh ag an díorma a bhris isteach sa champa leis na hArabaigh. Sin mar a tháinig Achaizíá mac Iahórám rí Iúdá i gcoróin.

[2] Era Acazias de vinte e dois anos de idade quando começou a reinar e reinou um ano em Jerusalém.

[2]Bhí Achaizíá dhá bhliain agus [fiche] d'aois nuair a tháinig sé chun corónach agus bhí sé bliain i réim in Iarúsailéim. Atailiá iníon Omraí ab ainm dá mháthair.

[3] Sua mãe, filha de Onri, chamava-se Atalia. Ele também andou nos caminhos da casa de Acabe; porque sua mãe era quem o aconselhava a proceder iniquamente.

[3]Lean seisean chomh maith sampla theaghlach Achláb, mar gur thug a mháthair drochchomhairle dó.

[4] Fez o que era mau perante o SENHOR, como os da casa de Acabe; porque eles eram seus conselheiros depois da morte de seu pai, para a sua perdição.

[4]Rinne sé an t-olc i bhfianaise an Tiarna faoi mar a rinne teaghlach Achláb, mar tar éis bhás a athar ba iadsan a bhí mar chomhairleoirí aige, rud a raibh sé thíos leis.

[5] Também andou nos conselhos deles e foi com Jorão, filho de Acabe, rei de Israel, a Ramote-Gileade, à peleja contra Hazael, rei da Síria; e os siros feriram Jorão.

[5]Ar a gcomhairlesean, ghabh sé amach le Iahórám mac Achláb le cogadh a chur ar Hazáéil rí Arám ag Rámot Gileád; ghoin na [hArámaigh] Iahórám,

[6] Então, voltou para Jezreel, para curar-se das feridas que lhe fizeram em Ramá, quando pelejou contra Hazael, rei da Síria; e desceu Acazias, filho de Jeorão, rei de Judá, para ver a Jorão, filho de Acabe, em Jezreel, porquanto estava doente.

[6]agus d'fhill sé go Izréil le téarnamh ó na créachtaí a fuair sé i Rámá agus é ag troid in aghaidh Hazáéil rí Arám. Ghabh Achaizíá mac Iahórám rí Iúdá síos go Izréil ar thuairisc Iahórám mac Achláb mar go raibh sé tinn.

Jeú mata a Acazias

[7] Foi da vontade de Deus que Acazias, para a sua ruína, fosse visitar a Jorão; porque, vindo ele, saiu com Jorão para encontrar-se com Jeú, filho de Ninsi, a quem o SENHOR tinha ungido para desarraigar a casa de Acabe.

[7]Ba é toil an Tiarna é Achaizíá a scriosadh tríd an turas seo ar thuairisc Iahórám. Nuair a tháinig sé ansiúd chuaigh sé amach le Iahórám le bualadh le Iéahú mac Nimsí an té a bhí ungtha ag an Tiarna le teaghlach Achláb a scriosadh.

[8] Ao executar Jeú juízo contra a casa de Acabe, achou os príncipes de Judá e os filhos dos irmãos de Acazias, que o serviam, e os matou.

[9] Depois, mandou procurar a Acazias, e, achando-o em Samaria, onde se havia escondido, o trouxeram a Jeú e o mataram; seus próprios servos o sepultaram, porque diziam: É filho de Josafá, que buscou ao SENHOR de todo o coração. E ninguém houve na casa de Acazias que pudesse reinar.

Atalia usurpa o trono

2 Reis 11.1-3

[10] Vendo Atalia, mãe de Acazias, que seu filho era morto, levantou-se e destruiu toda a descendência real da casa de Judá.

[11] Mas Jeosabeate, filha do rei, tomou a Joás, filho de Acazias, e o furtou dentre os filhos do rei, aos quais matavam, e o pôs e à sua ama numa câmara interior; assim, Jeosabeate, a filha do rei Jeorão, mulher do sacerdote Joiada e irmã de Acazias, o escondeu de Atalia, e não foi morto.

[12] Joás esteve com eles seis anos na Casa de Deus, e Atalia reinou no país.

2 Crônicas 23

Joás ungido rei de Judá

2 Reis 11.4-12

[1] No sétimo ano, Joiada se animou e entrou em aliança com os capitães de cem: Azarias, filho de Jeroão, Ismael, filho de

[8]Agus Iéahú ag cur na daorbhreithe ar theaghlach Acháb i bhfeidhm, bhuail sé le flatha Iúdá agus le nianna Achaizíá a bhí i seirbhís an rí agus chuir chun báis iad.

[9]Ansin chuaigh sé sa tóir ar Achaizíá agus fuarthas é agus é i bhfolach sa tSamáir agus tugadh é go Iéahú agus cuireadh chun báis é. Ach rinneadar é a adhlacadh. “Ba mhac le Iahóiseáfát é,” ar siad, “a bhí ag lorg an Tiarna le lánchroí.”

Coir agus Bás Atailiá

Ní raibh aon duine fágtha i dteaghlach Achaizíá cumasach go leor le rialú.

[10]Nuair a fuair Atailiá, máthair Achaizíá, amach go raibh a mac tar éis bháis, mharaigh sí an sliocht ríoga ar fad de theaghlach Iúdá ar an toirt.

[11]Ach Iahóiseaba, iníon an rí, sciob sí léi Ióáis, mac Achaizíá, faoi rún ó lár na mac rí a bhí á marú; chuir sí é féin agus a bhanaltra i bhfolach i suanlios. Rinne Iahóiseaba, iníon an rí Iahórám, agus bean Iahóideá an sagart (deirfiúr do Achaizíá freisin) é a chur i bhfolach ó Atailiá, i dtreo nár mharaigh sí é.

[12]D'fhan sé sé bliana ina dteannta, é i bhfolach i dTeampall an Tiarna agus Atailiá i gceannas na tíre.

2 Croinicí 23

[1]Sa seachtú bliain tháinig misneach do Iahóideá agus chuir sé fios ar na ceannairí céad, Azairiá mac Iarochám, Ismeáéil mac

Joanã, Azarias, filho de Obede, Maaséias, filho de Adaías, e Elisafate, filho de Zicri.

2 Estes percorreram Judá, e congregaram os levitas de todas as cidades de Judá e os cabeças das famílias de Israel, e vieram para Jerusalém.

3 Toda essa congregação fez aliança com o rei na Casa de Deus; e Joiada lhes disse: Eis que reinará o filho do rei, como falou o SENHOR a respeito dos filhos de Davi.

4 Esta é a obra que haveis de fazer: uma terça parte de vós, sacerdotes e levitas, que entrais no sábado, servirá de guardas da porta;

5 outra terça parte estará na casa do rei; e a outra terça parte, à Porta do Fundamento; e todo o povo estará nos pátios da Casa do SENHOR.

6 Porém ninguém entre na Casa do SENHOR, senão os sacerdotes e os levitas que ministram; estes entrarão, porque são santos; mas todo o povo guardará o preceito do SENHOR.

7 Os levitas rodearão o rei, cada um de armas na mão, e qualquer que entrar na casa, seja morto; estareis com o rei quando entrar e quando sair.

8 Fizeram, pois, os levitas e todo o Judá segundo tudo quanto lhes ordenara o sacerdote Joiada; tomou cada um os seus homens, tanto os que entravam como os

Iahóchánán, Azairiá mac Obaed, Másaeiá mac Adáiá agus Eilíseáfát mac Zicrí agus rinne conradh leo.

2Ghabh siad amach ar fud Iúdá ag cruinniú na Léivíteach le chéile ó chathracha uile Iúdá agus ag cruinniú cinn finí Iosrael; thángadar go Iarúsaileím.

3Rinne an comhthionól go léir conradh leis an rí i dTeampall an Tiarna. “Seo agaibh mac an rí,” arsa Iahóideá, “bíodh sé ina rí faoi mar a gheall an Tiarna faoi shliocht Dháiví!

4Seo mar atá le déanamh agaibh: tagadh trian díbh, sagairt Léivítigh agus gardaí an gheata, isteach don tsabóid;

5bíodh trian díbh ag an bpálás ríoga, trian ag Geata na Dúshraithe, agus an pobal go léir i gcúirt Theampall an Tiarna.

6Ná téadh aon duine isteach i dTeampall an Tiarna ach na sagairt agus na Léivítigh ar dualgas, mar tá siad coisricthe agus tá cead dul isteach acu. Ní mór don phobal aitheanta uile an Tiarna a choimeád.

7Seasadh na Léivítigh timpeall an rí, agus a arm i láimh gach fir; aon duine a dhéanfaidh iarracht ar dhul isteach sa Teampall, cuirtear chun báis é. Bígí le hais an rí ag teacht isteach agus ag gabháil amach dó.”

8Rinne na Léivítigh agus Iúdá go léir gach ní mar a d'ordaigh Iahóideá an sagart. Rug siad gach duine acu, a gcuid fear leo, iad siúd a bhí ag scor dá ndualgas ar an

que saíam no sábado; porquanto o sacerdote Joiada não despediu os turnos.

tsabóid agus iad siúd a bhí le dul ar dualgas ar an tsabóid; óir níor scaoil Iahóideá le haon cheann de na hoird.

[9] O sacerdote Joiada entregou aos capitães de cem as lanças, os paveses e os escudos que haviam sido do rei Davi e estavam na Casa de Deus.

[9]Thug Iahóideá na gathanna agus na sciatha le Dáiví rí, idir bheag agus mhór, a bhí i dTeampall an Tiarna, do na ceannairí céad mar airm.

[10] Dispôs todo o povo, cada um de armas na mão, desde o lado direito da casa real até ao seu lado esquerdo, e até ao altar, e até ao templo, para rodear o rei.

[10]Chóirigh sé an pobal go léir mar gharda ar an rí, agus a arm i láimh gach duine acu, ó choirneál theas an Teampaill go dtí an coirneál thuaidh, thart timpeall ar an altóir agus ar an Teampall.

[11] Então, trouxeram para fora o filho do rei, puseram-lhe a coroa, entregaram-lhe o Livro do Testemunho e o constituíram rei; Joiada e seus filhos o ungiram e gritaram: Viva o rei!

[11]Thug sé leis amach mac an rí ansin, chuir sé an choróin air agus thug an fhianaise dó; agus d'fhógair siad ina rí é. D'ung Iahóideá agus a chlann mhac é agus chuir siad gáir suas: “Fad saoil don rí!”

A morte de Atalia
2 Reis 11.13-16

[12] Ouvindo Atalia o clamor do povo que corria e louvava o rei, veio para onde este se achava na Casa do SENHOR;

[12]Nuair a chuala Atailiá geoin an phobail ag rith chun an rí agus á mhóradh, tharraing sí ar Theampall an Tiarna áit a raibh na daoine.

[13] olhou, e eis que o rei estava junto à coluna, à entrada, e os capitães e os que tocavam trombetas, junto ao rei; e todo o povo da terra se alegrava, e se tocavam trombetas. Também os cantores com os instrumentos músicos dirigiam o canto de louvores. Então, Atalia rasgou os seus vestidos e clamou: Traição! Traição!

[13]Nuair a chonaic sí an rí ansiúd ina sheasamh taobh lena cholún ag an mbealach isteach, agus na cinn feadhna agus na trumpadóirí i dteannta an rí agus pobal na tuaithe go léir ag déanamh gairdis agus ag séideadh stoc, agus na cantairí ag cur ceann ar an gceiliúradh lena n-uirlisí ceoil, stróic Atailiá a cuid éadaigh agus bhéic sí: “Feall! Feall!”

[14] Porém o sacerdote Joiada trouxe para fora os capitães que comandavam as tropas e disse-lhes: Fazei-a sair por entre as fileiras; se alguém a seguir, matai-o à

[14]Ansin ghlaoigh Iahóideá ar na hoifigigh airm agus dúirt leo: “Beirigí libh amach idir na ranganna í agus aon duine a leanann í, cuirtear chun báis leis an

espada. Porque o sacerdote tinha dito: Não a matem na Casa do SENHOR.

gclaíomh é!" Óir bhí sé ráite ag an sagart: "Ná cuirigí chun báis í i dTeampall an Tiarna."

[15] Lançaram mão dela; e ela, pelo caminho da entrada dos cavalos, foi à casa do rei, onde a mataram.

[15]Rug siad uirthi agus ar shroicheadh an pháláis di, i mbéal Gheata na gCapall, cuireadh chun báis ansiúd í.

A aliança de Joiada

2 Reis 11.17-21

Leasuithe Iahóideá

[16] Joiada fez aliança entre si mesmo, o povo e o rei, para serem eles o povo do SENHOR.

[16]Rinne Iahóideá conradh idir é féin agus an rí agus an pobal ar fad, go mbeadh siad ina bpobal ag an Tiarna.

[17] Então, todo o povo se dirigiu para a casa de Baal e a derribaram; despedaçaram os seus altares e as suas imagens e a Matã, sacerdote de Baal, mataram perante os altares.

[17]Chuaigh an pobal go léir ansin go teampall Bhál agus scrios siad é. Rinne siad smionagar dá altóirí agus dá íomhánna, agus mharaigh siad Matán, sagart Bhál, os comhair na n-altóirí.

[18] Entregou Joiada a superintendência da Casa do SENHOR nas mãos dos sacerdotes levitas, a quem Davi designara para o encargo da Casa do SENHOR, para oferecerem os holocaustos do SENHOR, como está escrito na Lei de Moisés, com alegria e com canto, segundo a instituição de Davi.

[18]Cheap Iahóideá lucht faire ar Theampall an Tiarna faoi údarás na sagart Léivíteach. Thug Dáiví Teampall an Tiarna do na sagairt Léivíteacha seo mar chuid ranna, le go n-ofrálfaidís íobairtí uileloiscthe an Tiarna mar atá ordaithe i ndlí Mhaois, le spleodar agus le cantain, de réir rialacha Dháiví.

[19] Colocou porteiros às portas da Casa do SENHOR, para que nela não entrasse ninguém que de qualquer forma fosse imundo.

[19]Chuir sé lucht faire ag geataí Theampall an Tiarna i dtreo nach rachadh aon duine a bhí neamhghlan ar aon tslí isteach.

[20] Tomou os capitães de cem, os nobres, os governadores do povo e todo o povo da terra, e todos estes conduziram, da Casa do SENHOR, o rei; passaram, pela porta superior, para a casa do rei e assentaram o rei no trono do reino.

[20]Thug sé leis na ceannairí céad, na maithe, rialtóirí an phobail agus muintir na tuaithe go léir, agus rugadar an rí leo síos ó Theampall an Tiarna. Ghabhadar isteach sa phálás trí [stua meánach] an Gheata Uachtair, agus shuíodar an rí sa chathaoir ríoga.

[21] Alegrou-se todo o povo da terra, e a cidade ficou tranqüila, pois haviam matado Atalia à espada.

2 Crônicas 24

O reinado de Joás
2 Reis 12.1-19

[1] Tinha Joás sete anos de idade quando começou a reinar e quarenta anos reinou em Jerusalém.

[2] Era o nome de sua mãe Zíbia, de Berseba. Fez Joás o que era reto perante o SENHOR todos os dias do sacerdote Joiada.
[3] Tomou-lhe Joiada duas mulheres; e gerou filhos e filhas.
[4] Depois disto, resolveu Joás restaurar a Casa do SENHOR.

[5] Reuniu os sacerdotes e os levitas e lhes disse: Saí pelas cidades de Judá e levantai dinheiro de todo o Israel para reparardes a casa do vosso Deus, de ano em ano; e, vós, apressai-vos nisto. Porém os levitas não se apressaram.

[6] Mandou o rei chamar a Joiada, o chefe, e lhe perguntou: Por que não requereste dos levitas que trouxessem de Judá e de Jerusalém o imposto que Moisés, servo do SENHOR, pôs sobre a congregação de Israel, para a tenda do Testemunho?
[7] Porque a perversa Atalia e seus filhos arruinaram a Casa de Deus; e usaram todas as coisas sagradas da Casa do SENHOR no serviço dos baalins.

[21]Bhí lúcháir ar mhuintir na tuaithe, ach d'fhan an chathair ciúin. Bhí Atailiá curtha chun báis le faobhar claímh.

2 Croinicí 24

Deisíonn Ióáis an Teampall

[1]Bhí Ióáis seacht mbliana d'aois nuair a tháinig sé i gcoróin, agus bhí sé daichead bliain i réim in Iarúsailéim. Zibiá ó Bhéar Seaba ab ainm dá mháthair.
[2]Rinne Ióáis an ceart i bhfianaise an Tiarna an dá lá dhéag agus an fad a mhair Iahóideá an sagart.
[3]Fuair Iahóideá beirt bhan dó agus bhí clann mhac agus iníonacha aige.
[4]Ina dhiaidh sin bheartaigh Ióáis Teampall an Tiarna a dheisiú.
[5]Chruinnigh sé na sagairt agus na Léivítigh agus dúirt sé leo: “Téigí amach go cathracha Iúdá agus bailigí go leor airgid ó Iosrael go léir ionas go bhféadfaí Teampall bhur nDé a dheisiú ó bhliain go bliain, agus déanaigí é seo go tapa.” Ach rinne na Léivítigh moill.
[6]Chuir an rí fios ar Iahóideá a gceannasaí agus dúirt leis: “Cén fáth nár éiligh tú ar na Léivítigh an cháin a leag Maois, searbhónta an Tiarna, ar chomhthionól Iosrael do Bhoth na Fianaise, a thobhach ar Iúdá agus ar Iarúsailéim?
[7]Rinne clann mhac Atailiá na coirpeachta dochar do Theampall an Tiarna agus bhronn siad ofrálacha coisricthe uile Theampall an Tiarna ar na Bálaím.”

[8] Deu o rei ordem e fizeram um cofre e o puseram do lado de fora, à porta da Casa do SENHOR.
[9] Publicou-se, em Judá e em Jerusalém, que trouxessem ao SENHOR o imposto que Moisés, servo de Deus, havia posto sobre Israel, no deserto.

[10] Então, todos os príncipes e todo o povo se alegraram, e trouxeram o imposto, e o lançaram no cofre, até acabar a obra.

[11] Quando o cofre era levado por intermédio dos levitas a uma comissão real, vendo-se que havia muito dinheiro, vinha o escrivão do rei e o comissário do sumo sacerdote, esvaziavam-no, tomavam-no e o levavam de novo ao seu lugar; assim faziam dia após dia e ajuntaram dinheiro em abundância,
[12] o qual o rei e Joiada davam aos que dirigiam a obra e tinham a seu cargo a Casa do SENHOR; contrataram pedreiros e carpinteiros, para restaurarem a Casa do SENHOR, como também os que trabalhavam em ferro e em bronze, para repararem a Casa do SENHOR.

[13] Os que tinham o encargo da obra trabalhavam, e a reparação tinha bom êxito com eles; restauraram a Casa de Deus no seu próprio estado e a consolidaram.

[14] Tendo eles acabado a obra, trouxeram ao rei e a Joiada o resto do dinheiro, de que se fizeram utensílios para a Casa do

[8]D'ordaigh an rí dóibh cófra a dhéanamh agus é a chur lasmuigh de gheata Theampall an Tiarna.
[9]Fógraíodh ansin ar fud Iúdá agus Iarúsailéim an cháin a leag Maois searbhónta Dé ar Iosrael san fhásach, a thabhairt chun an Tiarna.
[10]Tháinig na maithe agus an pobal go léir lena gcánacha le barr lúcháire agus bhíodar á gcaitheamh isteach sa chófra go dtí go raibh deireadh íoctha.
[11]Nuair a thugadh na Léivítigh an cófra go dtí oifigigh riartha an rí, agus go bhfeicidís go raibh a lán airgid ann, thagadh rúnaí an rí agus ionadaí an ardsagairt agus d'fholmhaídís an cófra agus bheiridís leo é agus chuiridís ar ais ina áit féin é. Rinne siad amhlaidh lá i ndiaidh an lae agus chruinníodar suim mhór airgid.
[12]Thug an rí agus Iahóideá ar láimh é do na saoistí a bhí i bhfeighil obair Theampall an Tiarna. An lucht tuarastail, na saoir chloiche agus adhmaid, luigh siad le deisiú Theampall an Tiarna. Bhí gaibhne iarainn agus cré-umha freisin ag athchóiriú an Teampaill.
[13]A luaithe a bhí tús déanta ag maoir an tsaothair chuaigh an deisiú chun cinn faoina dtreoir. Dheisigh siad Teampall an Tiarna i dtreo go raibh sé chomh maith agus a bhí riamh agus neartaigh siad an foirgneamh.
[14]Nuair a bhí deireadh déanta, thug siad an fearasbarr airgid go dtí an rí Iahóideá agus rinneadh leis gréithe do Theampall

SENHOR, objetos para o ministério e para os holocaustos, taças e outros objetos de ouro e de prata. E continuamente ofereceram holocaustos na Casa do SENHOR, todos os dias de Joiada.

15 Envelheceu Joiada e morreu farto de dias; era da idade de cento e trinta anos quando morreu.

16 Sepultaram-no na Cidade de Davi com os reis; porque tinha feito bem em Israel e para com Deus e a sua casa.

Zacarias morto pelo rei

17 Depois da morte de Joiada, vieram os príncipes de Judá e se prostraram perante o rei, e o rei os ouviu.

18 Deixaram a Casa do SENHOR, Deus de seus pais, e serviram aos postes-ídolos e aos ídolos; e, por esta sua culpa, veio grande ira sobre Judá e Jerusalém.

19 Porém o SENHOR lhes enviou profetas para os reconduzir a si; estes profetas testemunharam contra eles, mas eles não deram ouvidos.

20 O Espírito de Deus se apoderou de Zacarias, filho do sacerdote Joiada, o qual se pôs em pé diante do povo e lhes disse: Assim diz Deus: Por que transgredis os mandamentos do SENHOR, de modo que não prosperais? Porque deixastes o SENHOR, também ele vos deixará.

an Tiarna, soithí don liotúirge agus do na híobairtí uileloiscthe, loingíní túise, agus árais óir agus airgid. Bhí íobairtí uileloiscthe á n-ofráil gan stad i dTeampall an Tiarna fad a mhair Iahóideá.

15Ach chuaigh Iahóideá in aois agus i laethanta lána liatha, agus d'éag. Bhí sé céad agus a tríocha bliain nuair a d'éag sé.

16Rinne siad é a adhlacadh i gcathair Dháiví leis na ríthe mar go ndearna sé seirbhís fhónta do Dhia agus dá Theampall in Iosrael.

Coir agus Pionós Ióáis

17Tar éis bhás Iahóideá tháinig prionsaí Iúdá le hómós a thabhairt don rí, agus ghlac an rí lena gcomhairle.

18Thréigeadar Teampall an Tiarna, Dia a sinsear, agus d'adhradar na cuaillí naofa agus na híola. Tháinig fraoch feirge sa mhullach ar Iúdá, agus ar Iarúsailéim mar gheall ar an gcoir sin.

19Ach ina dhiaidh sin agus uile chuir [Dia] fáithe chucu chun iad a sheoladh ar ais chun an Tiarna, ach ní éistfidís lena dteachtaireacht siúd, nuair a cháin siad iad.

20Ansin ghabh spiorad Dé seilbh ar Zacairiá mac Iahóideá an sagart. D'éirigh sé ina sheasamh os comhair an phobail agus dúirt leo: “Seo mar a deir Dia: ‘Cad chuige a sáraíonn sibh aitheanta an Tiarna, agus gur miste sibh é? Tá sibh tar éis an Tiarna a thréigean; tá sibhse do bhur dtréigean aigesan anois.’ ”

[21] Conspiraram contra ele e o apedrejaram, por mandado do rei, no pátio da Casa do SENHOR.

[22] Assim, o rei Joás não se lembrou da beneficência que Joiada, pai de Zacarias, lhe fizera, porém matou-lhe o filho; este, ao expirar, disse: O SENHOR o verá e o retribuirá.

O juízo de Deus sobre Joás

[23] Antes de se findar o ano, subiu contra Joás o exército dos siros; e, vindo a Judá e a Jerusalém, destruíram, dentre o povo, a todos os seus príncipes, cujo despojo remeteram ao rei de Damasco.

[24] Ainda que o exército dos siros viera com poucos homens, contudo, o SENHOR lhes permitiu vencer um exército mui numeroso dos judeus, porque estes deixaram o SENHOR, Deus de seus pais. Assim, executaram os siros os juízos de Deus contra Joás.

A conspiração contra o rei Joás
2 Reis 12.20-21

[25] Quando os siros se retiraram dele, deixando-o gravemente enfermo, conspiraram contra ele os seus servos, por causa do sangue dos filhos do sacerdote Joiada, e o feriram no seu leito, e morreu.

[26] Sepultaram-no na Cidade de Davi, porém não nos sepulcros dos reis. Foram estes os que conspiraram contra ele: Zabade, filho de Simeate, a amonita, e Jeozabade, filho de Sinrite, a moabita.

[21]Rinneadar uisce faoi thalamh ina aghaidh agus ar fholáireamh an rí chlochadar é i gclós Theampall an Tiarna.

[22]Ar an gcaoi sin rinne an rí Ióáis dearmad den bhuanghrá a bhí ag Iahóideá athair Zacairiá dó, ach mharaigh sé a mhac. Nuair a bhí seisean ag fáil bháis, dúirt sé: “Go bhfeice an Tiarna é seo agus go mbaine sé díoltas amach!”

[23]Faoi cheann bliana chuir arm Arám cogadh ar Ióáis. Tháinig siad fad le Iúdá agus le Iarúsailéim, chuireadar prionsaí an phobail chun báis agus sheoladar an chreach ar ais go dtí rí na Damaisce.

[24]Bíodh gur tháinig arm Arám ar bheagán slua, thug an Tiarna arm an-mhór suas dóibh, toisc gur thréigeadarsan an Tiarna, Dia a sinsear. Thugadar an íde a bhí tuillte aige ar Ióáis,

[25]agus d'fhágadar ina ndiaidh é, agus é gortaithe go mór. Rinne a fheidhmeannaigh comhcheilg ina aghaidh in éiric bhás mhac Iahóideá an sagart agus mharaíodar é ina leaba. Is mar sin a fuair sé bás; agus chuireadar é i gcathair Dháiví ach níor chuireadar é i dtuamaí na ríthe.

[26]Ba iad lucht na comhcheilge: Zábád mac Shimeát, an tAmónach mná, agus Iahózábád mac Shimrít, an Móábach mná.

[27] Quanto a seus filhos, e às numerosas sentenças proferidas contra ele, e à restauração da Casa de Deus, eis que estão escritos no Livro da História dos Reis. Em seu lugar, reinou Amazias, seu filho.

[27]Maidir lena chlann mhac, leis an gcáin throm a gearradh, le hathchóiriú Theampall Dé, tá cuntas orthusan go léir scríofa sa Ghluais ar Leabhar na Ríthe. Tháinig a mhac Amaiziá i gcomharbacht air.

2 Crônicas 25

O reinado de Amazias
2 Reis 14.1-6

[1] Era Amazias da idade de vinte e cinco anos quando começou a reinar e reinou vinte e nove anos em Jerusalém; sua mãe se chamava Jeoadã, de Jerusalém.

[2] Fez ele o que era reto perante o SENHOR; não, porém, com inteireza de coração.

[26] Houve grande alegria em Jerusalém; porque desde os dias de Salomão, filho de Davi, rei de Israel, não houve coisa semelhante em Jerusalém.

[27] Então, os sacerdotes e os levitas se levantaram para abençoar o povo; a sua voz foi ouvida, e a sua oração chegou até à santa habitação de Deus, até aos céus.

2 Crônicas 31

[1] Acabando tudo isto, todos os israelitas que se achavam ali saíram às cidades de Judá, quebraram as estátuas, cortaram os postes-ídolos e derribaram os altos e altares por todo o Judá e Benjamim, como também em Efraim e Manassés, até que tudo destruíram; então, tornaram todos os filhos de Israel, cada um para sua possessão, para as cidades deles.

Ezequias regula as contribuições para os sacerdotes e os levitas

[24]Óir thug Hiziciá rí Iúdá míle tarbh agus seacht míle caora mar íobairtí don chomhthionól, agus thug na feidhmeannaigh míle tarbh agus deich míle caora don chomhthionól. Agus naomhaigh na sagairt iad féin ina sluaite.

[25]Rinne tionól uile Iúdá lúcháir, idir shagairt agus Léivítigh, agus an tóstal go léir a tháinig ó Iosrael, na teifigh ó Iosrael agus iad siúd a raibh cónaí orthu i Iúdá.

[26]Bhí ardáthas ar dhaoine in Iarúsailéim mar ó aimsir Sholaimh, mac Dháiví rí Iosrael, ní raibh a leithéid in Iarúsailéim.

[27]D'éirigh na sagairt agus na Léivítigh ina seasamh ansin agus bheannaíodar an pobal. Éisteadh lena nglór agus chuaigh a n-urnaí suas chun a áitribh naofa ar neamh.

2 Croinicí 31

Deireadh le hÍoladhradh

[1]Nuair a bhí sin go léir thart, d'imigh na hIosraelaigh go léir a bhí i láthair go cathracha Iúdá agus bhris na colúin ina smidiríní, agus ghearr anuas na cuaillí naofa, agus leag siad anuas agus scrios siad na hardionaid agus na haltóirí go léir ar fud Iúdá agus Bhiniáimin, Eafráim agus Mhanaise. Ansin d'fhill na hIosraelaigh go léir go dtí a gcathracha, gach duine chun a ghabháltais féin.

Ath-Eagrú

[2] Estabeleceu Ezequias os turnos dos sacerdotes e dos levitas, turno após turno, segundo o seu mister: os sacerdotes e levitas, para o holocausto e para as ofertas pacíficas, para ministrarem e cantarem, portas a dentro, nos arraiais do SENHOR.

[3] A contribuição que fazia o rei da sua própria fazenda era destinada para os holocaustos, para os da manhã e os da tarde e para os holocaustos dos sábados, das Festas da Lua Nova e das festas fixas, como está escrito na Lei do SENHOR.

[4] Além disso, ordenou ao povo, moradores de Jerusalém, que contribuísse com sua parte devida aos sacerdotes e aos levitas, para que pudessem dedicar-se à Lei do SENHOR.

[5] Logo que se divulgou esta ordem, os filhos de Israel trouxeram em abundância as primícias do cereal, do vinho, do azeite, do mel e de todo produto do campo; também os dízimos de tudo trouxeram em abundância.

[6] Os filhos de Israel e de Judá que habitavam nas cidades de Judá também trouxeram dízimos das vacas e das ovelhas e dízimos das coisas que foram consagradas ao SENHOR, seu Deus; e fizeram montões e montões.

[7] No terceiro mês, começaram a fazer os primeiros montões; e, no sétimo mês, acabaram.

[2]D'athbhunaigh Hiziciá oird na sagart agus na Léivíteach, gach duine ina ord ceart de réir a dhualgas, sagairt agus Léivítigh, maidir le híobairtí dóite, le híobairtí comaoineach, le seirbhís liotúirgeach, le moladh agus le buíochas, laistigh de gheataí champa an Tiarna.

[3]Chuir an rí cuid dá mhaoin féin i leataobh do na híobairtí dóite: d'íobairtí doíte na maídíne agus an tráthnóna, d'íobairtí dóite na sabóide, na ré nua agus na bhféilte sollúnta, mar atá scríofa i ndlí an Tiarna.

[4]Agus d'ordaigh sé don mhuintir a bhí ina gcónaí in Iarúsailéim an chuid a bhí dlite dóibh a thabhairt do na sagairt agus do na Léivítigh, d'fhonn go ndéanfaidís iad féin a thíolacadh do dhlí an Tiarna.

[5]A luaithe a fógraíodh an t-ordú os ard chruinnigh na hIosraelaigh céadtorthaí an arbhair, an fhíona, na hola, na meala, agus thorthaí na talún, agus thug siad isteach deachúna de gach ní go fial.

[6]Agus muintir Iosrael agus Iúdá a chónaigh i gcathracha Iúdá, thug siad isteach deachú den eallach agus de na caoirigh, agus de na nithe naofa a bhí tíolactha don Tiarna a nDia, agus rinneadar iad a leagan ina gcairn ansiúd.

[7]Sa tríú mí chrom siad ar na cairn a charnadh, agus bhí deireadh déanta acu sa seachtú mí.

[8] Vindo, pois, Ezequias e os príncipes e vendo aqueles montões, bendisseram ao SENHOR e ao seu povo de Israel.

[8]Nuair a tháinig Hiziciá agus a fheidhmeannaigh an treo agus go bhfaca siad na cairn, mhol siad an Tiarna agus a phobal, Iosrael.

[9] Perguntou Ezequias aos sacerdotes e aos levitas acerca daqueles montões.

[9]Agus cheistigh Hiziciá na sagairt agus na Léivítigh faoi na cairn.

[10] Então, o sumo sacerdote Azarias, da casa de Zadoque, lhe respondeu: Desde que se começou a trazer à Casa do SENHOR estas ofertas, temos comido e nos temos fartado delas, e ainda há sobra em abundância; porque o SENHOR abençoou ao seu povo, e esta grande quantidade é o que sobra.

[10]D'fhreagair Azairiá, an t-ardsagart de theaghlach Zádóc, é agus dúirt: “Ó thosaíodar ag tabhairt na mbronntanas go Teampall an Tiarna, tá ár sáith á ithe againn agus tá fuílleach fós fágtha; óir chuir an Tiarna a bheannacht ar a phobal; tá an cnocán mór seo fágtha.”

[11] Então, ordenou Ezequias que se preparassem depósitos na Casa do SENHOR.

[11]Ansin thug Hiziciá ordú dóibh seomraí a ullmhú i dTeampall an Tiarna agus rinneadar amhlaidh.

[12] Uma vez preparados, recolheram neles fielmente as ofertas, os dízimos e as coisas consagradas; disto era intendente Conanias, o levita, e Simei, seu irmão, era o segundo.

[12]Ansin thug siad isteach na bronntanais, na deachúna agus nithe coisricthe le coimeád in áit shábháilte. Ba é an Léivíteach Cónainiá an feidhmeannach a bhí i gceannas orthu, agus Simeí, a dhearthháir, sa dara háit.

[13] Jeiel, Azarias, Naate, Asael, Jerimote, Jozabade, Eliel, Ismaquias, Maate e Benaia eram superintendentes sob a direção de Conanias e Simei, seu irmão, nomeados pelo rei Ezequias e por Azarias, chefe da Casa de Deus.

[13]Ceapadh Ichíéil, Azaiziá, Nachat, Asáhael, Irímeot, Iózábád, Eilíéil, Ísmiciá, Machat, agus Banáiá, mar mhaoir faoi cheannas Chónainiá agus a dhearthár Simeí, trí ordú ón rí Hiziciá agus Azairiá, reachtaire theach Dé.

[14] O levita Coré, filho de Imna e guarda da porta oriental, estava encarregado das ofertas voluntárias que se faziam a Deus, para distribuir as ofertas do SENHOR e as coisas santíssimas.

[14]Cuireadh Córae mac Imneá an Léivíteach, garda an gheata thoir, i bhfeighil na n-íobairtí deonacha do Dhia, le roinn ar leith an Tiarna agus na hofrálacha sárnaofa a chur i leataobh.

[15] Debaixo das suas ordens estavam Éden, Miniamim, Jesua, Semaías, Amarias e Secanias, nas cidades dos sacerdotes, para com fidelidade distribuírem as porções a seus irmãos, segundo os seus turnos, tanto aos pequenos como aos grandes;

[16] exceto aos que estavam registrados nas genealogias dos homens, de três anos para cima, e que entravam na Casa do SENHOR, para a obra de cada dia pelo seu ministério nos seus cargos, segundo os seus turnos.

[17] Quanto ao registro dos sacerdotes, foi ele feito segundo as suas famílias, e o dos levitas de vinte anos para cima foi feito segundo os seus cargos nos seus turnos.

[18] Deles, foram registrados as crianças, as mulheres, os filhos e as filhas, uma grande multidão, porque com fidelidade se houveram santamente com as coisas sagradas.

[19] Dentre os sacerdotes, filhos de Arão, que moravam nos campos dos arredores das suas cidades, havia, em cada cidade, homens que foram designados nominalmente para distribuírem as porções a todo homem entre os sacerdotes e a todos os levitas que foram registrados.

[20] Assim fez Ezequias em todo o Judá; fez o que era bom, reto e verdadeiro perante o SENHOR, seu Deus.

[21] Em toda a obra que começou no serviço da Casa de Deus, na lei e nos

[15]Bhí Éidin, Miniáimin, Iéisiúa, Seamaiá, Amairiá agus Seacaniá ag cabhrú leis go dílis i gcathracha na sagart, lena gcuid a roinnt ar a mbráithre de réir a n-ord, cé acu tabhachtach nó a mhalairt.

[16]Ina theannta sin eagraíodh de réir fine, na fir go léir [deich mbliana fichead] nó os a chionn, a théadh go Teampall an Tiarna ar uanaíocht lae, leis na dualgais liotúirgeacha a bhain lena n-ord a chur i ngíomh.

[17]Eagraíodh na sagairt freisin de réir finí; agus na Léivítigh fiche bliain agus os a chionn de réir a ndualgas agus a n-ord.

[18]Cuireadh eagar freisin ar chlann uile na sagart, a mná, a mic, agus a n-iníonacha, ar mhaithe leis an gcomhthionól ar fad, mar bhí sé de dhualgas orthu iad féin a naomhú go dílis trí mheán na nithe naofa.

[19]Maidir leis na sagairt, clann Árón, a bhí ag cur fúthu sna tailte coimín a bhain lena gcathracha, nó sna cathracha féin, ceapadh daoine ar leith ó ainm d'fhonn a gcuid a thabhairt do gach fear de na sagairt agus do gach duine de na Léivítigh a cláraíodh.

[20]Chuir Hiziciá na socruithe sin i bhfeidhm ar fud Iúdá. Rinne sé an ceart agus an mhaith agus an beart dílis i súile an Tiarna, a Dhia.

[21]Gach saothar a thóg sé idir lámha i seirbhís Theampall Dé maidir le dlí nó

mandamentos, para buscar a seu Deus, de todo o coração o fez e prosperou.

2 Crônicas 32

Ezequias prepara-se para resistir a Senaqueribe
2 Reis 18.13-18; Isaías 36.1-3

[1] Depois destas coisas e desta fidelidade, veio Senaqueribe, rei da Assíria, entrou em Judá, acampou-se contra as cidades fortificadas e intentou apoderar-se delas.

[2] Vendo, pois, Ezequias que Senaqueribe vinha e que estava resolvido a pelejar contra Jerusalém,

[3] resolveu, de acordo com os seus príncipes e os seus homens valentes, tapar as fontes das águas que havia fora da cidade; e eles o ajudaram.

[4] Assim, muito povo se ajuntou, e taparam todas as fontes, como também o ribeiro que corria pelo meio da terra, pois diziam: Por que viriam os reis da Assíria e achariam tantas águas?

[5] Ele cobrou ânimo, restaurou todo o muro quebrado e sobre ele ergueu torres; levantou também o outro muro por fora, fortificou a Milo na Cidade de Davi e fez armas e escudos em abundância.

[6] Pôs oficiais de guerra sobre o povo, reuniu-os na praça da porta da cidade e lhes falou ao coração, dizendo:

[7] Sede fortes e corajosos, não temais, nem vos assusteis por causa do rei da Assíria,

aitheanta, chuir sé i ngníomh é, agus a chroí dírithe ar Dhia, agus d'éirigh leis.

2 Croinicí 32

Ionradh Shanaichéiríb

[1]Tar éis na mbearta dílse seirbhíse seo, tharla ionradh Shanaichéiríb, rí na hAsaíre. Rinne sé ionradh ar Iúdá, shuigh a champa os comhair na gcathracha daingne agus d'ordaigh iad a ghabháil de ruathar.

[2]Thuig Hiziciá go raibh Sanaichéiríb tagtha agus é meáite ar Iarúsailéim a ionsaí;

[3]bheartaigh sé féin agus a thaoisigh agus a churaidh na foinsí uisce a bhí lasmuigh den chathair a stopadh; chabhraigh oifigigh an airm leis,

[4]agus bhailigh a lán daoine le chéile agus stopadar na foinsí go léir, agus an sileán a bhí ag gabháil tríd an talamh á rá: "Cén fáth a bhfaigheadh ríthe na hAsaíre flúirse uisce nuair a thiocfaidh siad?"

[5]Chrom Hiziciá ar a shuíomh a dhaingniú; dheisigh sé na bearnaí sa bhalla, thóg sé túir air, agus thóg sé balla nua lasmuigh de. Dhaingnigh sé an Mileo i gcathair Dháiví. Rinne sé raidhse airm agus sciatha.

[6]Cheap sé ceannasaithe i bhfeighil an phobail, agus bhailigh sé le chéile iad sa chearnóg ag geata na cathrach agus labhair leo mar leanas á misniú:

[7]"Bíodh neart agus misneach agaibh! Ná cuireadh rí na hAsaíre agus an mathshlua

nem por causa de toda a multidão que está com ele; porque um há conosco maior do que o que está com ele.

[8] Com ele está o braço de carne, mas conosco, o SENHOR, nosso Deus, para nos ajudar e para guerrear nossas guerras. O povo cobrou ânimo com as palavras de Ezequias, rei de Judá.

Senaqueribe afronta a Ezequias e ao Senhor

2 Reis 18.19-37; Isaías 36.4-22

[9] Depois disto, enquanto Senaqueribe, rei da Assíria, com todo o seu exército sitiava Laquis, enviou os seus servos a Ezequias, rei de Judá, que estava em Jerusalém, dizendo:

[10] Assim diz Senaqueribe, rei da Assíria: Em que confiais vós, para vos deixardes sitiar em Jerusalém?

[11] Acaso, não vos incita Ezequias, para morrerdes à fome e à sede, dizendo: O SENHOR, nosso Deus, nos livrará das mãos do rei da Assíria?

[12] Não é Ezequias o mesmo que tirou os seus altos e os seus altares e falou a Judá e a Jerusalém, dizendo: Diante de apenas um altar vos prostrareis e sobre ele queimareis incenso?

[13] Não sabeis vós o que eu e meus pais fizemos a todos os povos das terras? Acaso, puderam, de qualquer maneira, os deuses das nações daquelas terras livrar o seu país das minhas mãos?

atá in éineacht leis eagla ná uafás oraibh, óir is treise an té atá inár dteannta ná an té atá ina theanntasan.

[8]Níl leis siúd ach lámh feola, ach tá an Tiarna ár nDia linne, le cabhair a thabhairt dúinn agus lenár gcathanna a throid." Thug focail Hiziciá rí Iúdá misneach don phobal.

[9]Ina dhiaidh seo nuair a bhí Sanaichéiríb rí na hAsaíre ag cur léigir ar Láicís lena shluaite go léir, chuir sé a shearbhóntaí go Iarúsailéim, go Hiziciá rí Iúdá agus go dtí na Iúdaigh go léir a bhí in Iarúsailéim, le teachtaireacht:

[10]"Mar seo a deir Sanaichéiríb rí na hAsaíre: 'Cad as a bhfuil sé de mhuinín agaibh fanacht in Iarúsailéim agus é faoi léigear?

[11]Nach bhfuil Hiziciá do bhur gcur amú? Nach bhfuil sé do bhur ndaoradh chun báis de ghorta agus de thart nuair a deir sé: "Déanfaidh an Tiarna ár nDia sinn a fhuascailt ó láimh rí na hAsaíre"?

[12]Nach hé an Hiziciá seo an té a scuab a ardionaid chun siúil agus a thug mar ordú do Iúdá agus Iarúsailéim: "Ná déanaigí adhradh ach os comhair an aon altóra agus ná hofrálaigí túis ach uirthi amháin"?

[13]Nach bhfuil a fhios agaibh cad tá déanta agamsa agus ag mo shinsir le muintir na dtíortha eile go léir? An raibh sé ar chumas déithe aon chine sna tíortha sin a gcríocha a shaoradh uaimse?

[14] Qual é, de todos os deuses daquelas nações que meus pais destruíram, que pôde livrar o seu povo das minhas mãos, para que vosso Deus vos possa livrar das minhas mãos?

[15] Agora, pois, não vos engane Ezequias, nem vos incite assim, nem lhe deis crédito; porque nenhum deus de nação alguma, nem de reino algum pôde livrar o seu povo das minhas mãos, nem das mãos de meus pais; quanto menos vos poderá livrar o vosso Deus das minhas mãos?

[16] Os seus servos falaram ainda mais contra o SENHOR Deus e contra Ezequias, seu servo.

[17] Senaqueribe escreveu também cartas, para blasfemar do SENHOR, Deus de Israel, e para falar contra ele, dizendo: Assim como os deuses das nações de outras terras não livraram o seu povo das minhas mãos, assim também o Deus de Ezequias não livrará o seu povo das minhas mãos.

[18] Clamaram os servos em alta voz em judaico contra o povo de Jerusalém, que estava sobre o muro, para os atemorizar e os perturbar, para tomarem a cidade.

[19] Falaram do Deus de Jerusalém, como dos deuses dos povos da terra, obras das mãos dos homens.

[20] Porém o rei Ezequias e Isaías, o profeta, filho de Amoz, oraram por causa disso e clamaram ao céu.

[14]Cén dia de na déithe sin go léir leis na ciníocha a chuir m'athair faoin mbang, a d'fhéad a phobal a shaoradh ó mo ghreim, á rá is go bhféadfadh bhur nDia sibhse a fhuascailt ó mo ghreim?

[15]Ná cuireadh Hiziciá amú sibh, ná cuireadh sé dallamullóg oraibh ar an tslí seo. Ná géilligí dó! Óir níor fhéad dia aon chine ná aon ríochta a phobal a fhuascailt ó mo ghreim ná ó ghreim mo shinsear. Nach lú go mór ná sin a fhéadfaidh bhur nDia sibh a fhuascailt ó mo ghreim! ' ”

[16]Bhí a shearbhóntaí ag leanúint orthu ag cáinseoireacht faoin Tiarna Dia agus faoina shearbhónta Hiziciá,

[17]nuair a scríobh [Sanaichéiríb] litir ag aithisiú agus ag bréagnú Dia Iosrael: “Ní dhéanfaidh Dia Hiziciá a phobal a fhuascailt ó mo ghreim díreach faoi mar nár fhuascail déithe na gciníocha i dtíortha eile a bpobal ó mo ghreim.”

[18]Liúigh siad na nithe sin in ard a ngutha i dteanga Iúdá le pobal Iarúsailéim ar na ballaí d'fhonn iad a bhuaireamh agus eagla a chur orthu, agus go ngabhfaidís an chathair ar an tslí sin.

[19]Labhraíodar faoi Dhia Iarúsailéim amhail is dá mba cheann de dhéithe phobail eile an domhain é, agus is saothar lámha daoine iadsan.

Toradh ar Ghuí Hiziciá

[20]Sa chruachás sin dóibh, ghuigh an rí Hiziciá agus an fáidh Íseáia mac Ámóz agus ghlaoigh siad chun na bhflaitheas.

A destruição do exército dos assírios

2 Reis 19.35-37; Isaías 37.36-38

[21] Então, o SENHOR enviou um anjo que destruiu todos os homens valentes, os chefes e os príncipes no arraial do rei da Assíria; e este, com o rosto coberto de vergonha, voltou para a sua terra. Tendo ele entrado na casa de seu deus, os seus próprios filhos ali o mataram à espada.

[22] Assim, livrou o SENHOR a Ezequias e os moradores de Jerusalém das mãos de Senaqueribe, rei da Assíria, e das mãos de todos os inimigos; e lhes deu paz por todos os lados.

[23] Muitos traziam presentes a Jerusalém ao SENHOR e coisas preciosíssimas a Ezequias, rei de Judá, de modo que, depois disto, foi enaltecido à vista de todas as nações.

Doença de Ezequias

2 Reis 20.1-11; Isaías 38.1-8

[24] Naqueles dias, adoeceu Ezequias mortalmente; então, orou ao SENHOR, que lhe falou e lhe deu um sinal.

[25] Mas não correspondeu Ezequias aos benefícios que lhe foram feitos; pois o seu coração se exaltou. Pelo que houve ira contra ele e contra Judá e Jerusalém.

[26] Ezequias, porém, se humilhou por se ter exaltado o seu coração, ele e os habitantes de Jerusalém; e a ira do SENHOR não veio contra eles nos dias de Ezequias.

[21]Chuir an Tiarna aingeal uaidh amach a chuir chun báis na curaidh go léir, agus na ceannairí agus na hoifigigh i gcampa rí na hAsaíre. D'fhill sé agus náire shaolta air, abhaile ar a thír féin. Chuaigh sé isteach i dteampall a dhé, agus threascair cuid dá chlann mhac féin é le faobhar claímh.

[22]Rinne an Tiarna Hiziciá agus áitritheoirí Iarúsailéim a fhuascailt ó chumhacht Shanaichéiríb rí na hAsaíre agus ó chumhacht a naimhde go léir, ar an tslí sin, agus thug sé síocháin dóibh ar gach taobh.

[23]Thug a lán daoine tabhartais chun an Tiarna in Iarúsailéim, agus bronntanais do Hiziciá rí Iúdá; tar éis ar tharla, bhí ardmheas ar Hiziciá i measc na náisiún go léir.

[24]Sna laethanta úd buaileadh Hiziciá tinn agus bhí sé i mbéal báis. Ghuigh sé chun an Tiarna agus d'éist sé leis agus thug comhartha dó.

[25]Ach ní dhearna Hiziciá aon chúiteamh ar son a ndearnadh dó; d'at a chroí le huabhar agus tháinig fraoch na feirge sa mhullach air féin, ar Iúdá, agus ar Iarúsailéim.

[26]Rinne Hiziciá é féin a umhlú i dtaobh uabhar a chroí, agus rinne áitritheoirí Iarúsailéim mar an gcéanna, i dtreo nár tháinig fearg an Tiarna sa mhullach orthu le linn Hiziciá.

[27] Teve Ezequias riquezas e glória em grande abundância; proveu-se de tesourarias para prata, ouro, pedras preciosas, especiarias, escudos e toda sorte de objetos desejáveis;

[27]Bhí saibhreas agus clú go raidhsiúil ag Hiziciá. Thóg sé cistí dó féin i gcomhair a chuid airgid agus óir agus cloch lómhar, agus spíosraí, agus sciath, agus seod de gach sórt.

[28] também proveu-se de armazéns para a colheita do cereal, do vinho e do azeite; e de estrebarias para toda espécie de animais e de redis para os rebanhos.

[28]Bhí tithe stóir aige dá fhómhar arbhair, fíona agus ola; cróite dá eallach de gach cineál, agus banracha dá chaoirigh.

[29] Edificou também cidades e possuiu ovelhas e vacas em abundância; porque Deus lhe tinha dado mui numerosas possessões.

[29]Sholáthraigh sé [asail] agus tréada agus táinte dó féin chomh maith. Thug Dia maoin dó go raidhsiúil.

[30] Também o mesmo Ezequias tapou o manancial superior das águas de Giom e as canalizou para o ocidente da Cidade de Davi. Ezequias prosperou em toda a sua obra.

[30]Ba é an Hiziciá céanna seo a dhún béal uachtair thobar Ghíohón agus a threoraigh an t-uisce síos laistiar de chathair Dháiví. Bhí rith an ráis le Hiziciá.

[31] Contudo, quando os embaixadores dos príncipes da Babilônia lhe foram enviados para se informarem do prodígio que se dera naquela terra, Deus o desamparou, para prová-lo e fazê-lo conhecer tudo o que lhe estava no coração.

[31]Fiú amháin i gcás na dteachtairí ó thaoisigh na Bablóine a tháinig chun ceist a chur faoin rud iontach a tharla sa tír, níor thréig Dia é ach lena phromhadh agus le rúin a chroí a fháil amach.

A morte de Ezequias

2 Reis 20.20-21

[32] Quanto aos mais atos de Ezequias e às suas obras de misericórdia, eis que estão escritos na Visão do Profeta Isaías, filho de Amoz, e no Livro da História dos Reis de Judá e de Israel.

[32]An chuid eile de stair Hiziciá, agus a dhea-bhearta, tá siad scríofa i bhfís an fháidh Íseáia mac Ámóz, i Leabhar Ríthe Iúdá agus Iosrael.

[33] Descansou Ezequias com seus pais, e o sepultaram na subida para os sepulcros dos filhos de Davi; e todo o Judá e os habitantes de Jerusalém lhe prestaram

[33]Ansin chuaigh Hiziciá chun suain lena shinsir agus chuireadar é ar an ard ar an tslí suas go tuamaí mhic Dháiví. Thug Iúdá go léir agus áitritheoirí Iarúsailéim onóir

honras na sua morte; e Manassés, seu filho, reinou em seu lugar.

2 Crônicas 33

O reinado de Manassés
2 Reis 21.1-9

1 Tinha Manassés doze anos de idade quando começou a reinar e cinqüenta e cinco anos reinou em Jerusalém.

2 Fez o que era mau perante o SENHOR, segundo as abominações dos gentios que o SENHOR expulsara de suas possessões, de diante dos filhos de Israel.

3 Pois tornou a edificar os altos que Ezequias, seu pai, havia derribado, levantou altares aos baalins, e fez postes-ídolos, e se prostrou diante de todo o exército dos céus, e o serviu.

4 Edificou altares na Casa do SENHOR, da qual o SENHOR tinha dito: Em Jerusalém, porei o meu nome para sempre.

5 Também edificou altares a todo o exército dos céus nos dois átrios da Casa do SENHOR,

6 queimou seus filhos como oferta no vale do filho de Hinom, adivinhava pelas nuvens, era agoureiro, praticava feitiçarias, tratava com necromantes e feiticeiros e prosseguiu em fazer o que era mau perante o SENHOR, para o provocar à ira.

7 Também pôs a imagem de escultura do ídolo que tinha feito na Casa de Deus, de que Deus dissera a Davi e a Salomão, seu filho: Nesta casa e em Jerusalém, que

dó ina thórramh. Agus tháinig Manaise a mhac i gcomharbacht air.

2 Croinicí 33

Peacaí Mhanaise

1Bhí Manaise dhá bhliain déag d'aois nuair a tháinig sé i gcoróin, agus bhí sé cúig bliana agus caoga i réim in Iarúsailéim.

2Rinne sé an t-olc i bhfianaise an Tiarna agus rinne sé aithris ar na nósanna náireacha a chleacht na ciníocha a dhíbir an Tiarna roimh chlann Iosrael.

3Thóg sé arís na hardionaid a scrios a athair Hiziciá agus chuir sé suas altóirí do na Bálaím, agus rinne cuaillí naofa, agus thug sé ómós do shluaite uile na spéire agus rinne seirbhís dóibh.

4Thóg sé altóirí i dTeampall an Tiarna a ndúirt an Tiarna faoi: “Beidh m'ainm in Iarúsailéim go brách.”

5Thog sé altóirí do shluaite uile na spéire i dhá chúirt Theampall an Tiarna.

6Chuir sé iallach ar a chlann mhac gabháil tríd an tine i nGleann Bhein Hionom. Chleacht sé fáistineoireacht, draíocht agus piseoga, agus phléigh sé le lucht asarlaíochta agus feasa. Rinne sé a lán eile oilc i bhfianaise an Tiarna, á ghriogadh chun feirge.

7An íomhá ghreanta d'íol a rinne sé, chuir sé suas í sa Teampall a ndúirt an Tiarna le Dáiví agus le Solamh a mhac faoi: “Sa Teampall seo, agus in Iarúsailéim, an chathair a thogh mé as treibheanna Iosrael

escolhi de todas as tribos de Israel, porei o meu nome para sempre

[8] e não removerei mais o pé de Israel da terra que destinei a seus pais, contanto que tenham cuidado de fazer tudo o que lhes tenho mandado, toda a lei, os estatutos e os juízos dados por intermédio de Moisés.

[9] Manassés fez errar a Judá e os moradores de Jerusalém, de maneira que fizeram pior do que as nações que o SENHOR tinha destruído de diante dos filhos de Israel.

O cativeiro de Manassés e sua oração

[10] Falou o SENHOR a Manassés e ao seu povo, porém não lhe deram ouvidos.

[11] Pelo que o SENHOR trouxe sobre eles os príncipes do exército do rei da Assíria, os quais prenderam Manassés com ganchos, amarraram-no com cadeias e o levaram à Babilônia.

[12] Ele, angustiado, suplicou deveras ao SENHOR, seu Deus, e muito se humilhou perante o Deus de seus pais;

[13] fez-lhe oração, e Deus se tornou favorável para com ele, atendeu-lhe a súplica e o fez voltar para Jerusalém, ao seu reino; então, reconheceu Manassés que o SENHOR era Deus.

[14] Depois disto, edificou o muro de fora da Cidade de Davi, ao ocidente de Giom, no vale, e à entrada da Porta do Peixe, abrangendo Ofel, e o levantou mui alto; também pôs chefes militares em todas as cidades fortificadas de Judá.

go léir, is ea a thabharfaidh mé áit lonnaithe do m'ainm go brách.

[8]Ní thabharfaidh mé a thuilleadh ar chosa Iosrael dul ar fán ón tír a thug mé dá sinsir, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh siad gach ar ordaigh mé dóibh de réir an dlí go léir, na reachtanna agus na bhforálacha, a thug mé trí Mhaois."

[9]Mheall Manaise Iúdá agus áitritheoirí Iarúsailéim le níos mó oilc a dhéanamh ná na náisiúin a scrios an Tiarna roimh chlann Iosrael.

[10]Labhair an Tiarna le Manaise agus lena phobal, ach níor thug siad aird air.

Aithrí Mhanaise

[11]Chuir an Tiarna taoisigh airm rí na hAsaíre ina gcoinne agus ghabh siad Manaise le duáin, agus chuir geimhle cré-umha air agus thug siad leo go dtí an Bhablóin é.

[12]Nuair a bhí sé i gcruachás d'impigh sé ar an Tiarna a Dhia a bheith cineálta leis agus d'umhlaigh sé é féin i láthair Dhia a shinsear.

[13]Ghuigh sé chuige agus thug seisean cluas dó agus d'éist lena urnaithe agus thug ar ais go Iarúsailéim agus chun a ríochta é. Thuig Manaise ansin gur Dia é an Tiarna.

[14]Thóg sé balla seachtrach ansin do chathair Dháiví sa ghleann laistiar de Ghíohón, ar aghaidh go dtí Geata an Éisc; ghabh sé timpeall an Oifil, agus chuir sé go mór lena airde. Cheap sé freisin

ceannairí airm i ngach cathair dhaingean de chuid Iúdá.

[15] Tirou da Casa do SENHOR os deuses estranhos e o ídolo, como também todos os altares que edificara no monte da Casa do SENHOR e em Jerusalém, e os lançou fora da cidade.

[15]Ansin thóg sé chun siúil na déithe iasachta agus an t-íol ó Theampall an Tiarna, agus na haltóirí go léir a thóg sé ar shliabh Theampall an Tiarna agus in Iarúsailéim, agus chaith amach as an gcathair iad.

[16] Restaurou o altar do SENHOR, sacrificou sobre ele ofertas pacíficas e de ações de graças e ordenou a Judá que servisse ao SENHOR, Deus de Israel.

[16]D'atóg sé altóir an Tiarna agus d'ofráil sé íobairtí síochána agus buíochais uirthi, agus d'ordaigh sé do Iúdá seirbhís a dhéanamh don Tiarna, Dia Iosrael.

[17] Contudo, o povo ainda sacrificava nos altos, mas somente ao SENHOR, seu Deus.

[17]Lean na daoine orthu ag íobairt ar na hardionaid, ámh, ach don Tiarna a nDia amháin.

A morte de Manassés

2 Reis 21.17-18

[18] Quanto aos mais atos de Manassés, e à sua oração ao seu Deus, e às palavras dos videntes que lhe falaram no nome do SENHOR, Deus de Israel, eis que estão escritos na História dos Reis de Israel.

[18]An chuid eile de stair Mhanaise, a urnaí chun a Dhé, agus focail na bhfísithe a labhraíodh leis in ainm an Tiarna, Dia Iosrael, tá siad le fáil in Annála Ríthe Iosrael.

[19] A sua oração e como Deus se tornou favorável para com ele, todo o seu pecado, a sua transgressão e os lugares onde edificou altos e colocou postes-ídolos e imagens de escultura, antes que se humilhasse, eis que tudo está na História dos Videntes.

[19]A urnaí, conas mar a ghéill Dia dá urnaí, a pheacaí agus a mhídhílse, na láithreacha inar thóg sé ardionaid, agus inar chuir sé cuaillí naofa agus íola ina seasamh, sular umhlaigh sé é féin, tá sin uile scríofa in Annála [na bhFísithe].

[20] Assim, Manassés descansou com seus pais e foi sepultado na sua própria casa; e Amom, seu filho, reinou em seu lugar.

[20]Ansin chuaigh Manaise chun suain lena shinsir, agus d'adhlacadar ina pháláis é, agus tháinig a mhac Ámón i gcoróin ina áit.

O reinado de Amom

2 Reis 21.19-26

Ámón an Oilc

[21] Tinha Amom vinte e dois anos de idade quando começou a reinar e reinou dois anos em Jerusalém.

[22] Fez o que era mau perante o SENHOR, como fizera Manassés, seu pai; porque Amom fez sacrifício a todas as imagens de escultura que Manassés, seu pai, tinha feito e as serviu.

[23] Mas não se humilhou perante o SENHOR, como Manassés, seu pai, se humilhara; antes, Amom se tornou mais e mais culpável.

[24] Conspiraram contra ele os seus servos e o mataram em sua casa.

[25] Porém o povo da terra feriu todos os que conspiraram contra o rei Amom e constituiu a Josias, seu filho, rei em seu lugar.

[21]Bhí Ámón dhá bhliain agus fiche d'aois nuair a tháinig sé i gcoróin, agus bhí sé dhá bhliain i gcoróin in Iarúsailéim.

[22]Rinne sé an t-olc i bhfianaise an Tiarna faoi mar a rinne Manaise a athair. D'ofráil sé íobairtí agus ómós do na híola go léir a rinne Manaise a athair.

[23]Níor umhlaigh sé i láthair an Tiarna, mar a d'umhlaigh Manaise a athair, ach bá é an tÁmón céanna seo a chuir chomh mór sin le ciontacht [Iúdá].

[24]Rinne a fheidhmeannaigh comhcheilg ina aghaidh agus mharaigh siad é ina theach.

[25]Ach rinne muintir na tuaithe iad siúd a rinne comhcheilg in aghaidh an rí, Ámón, a chur chun báis agus d'fhógair siad a mhac Ióisíá ina rí ina áit.

2 Crônicas 34

O reinado de Josias

2 Reis 22.1-2

[1] Tinha Josias oito anos de idade quando começou a reinar e reinou trinta e um anos em Jerusalém.

[2] Fez o que era reto perante o SENHOR, andou em todo o caminho de Davi, seu pai, e não se desviou nem para a direita nem para a esquerda.

A purificação do templo e do culto

2 Reis 23.4-20

[3] Porque, no oitavo ano de seu reinado, sendo ainda moço, começou a buscar o Deus de Davi, seu pai; e, no duodécimo ano, começou a purificar a Judá e a

2 Croinicí 34

Leasú Ióisíá

[1]Bhí Ióisíá ocht mbliana d'aois nuair a tháinig sé i gcoróin agus bhí sé bliain agus tríocha i réim in Iarúsailéim.

[2]Rinne sé an ceart i bhfianaise an Tiarna agus rinne aithris ar a shinsear Dáiví, gan fiaradh ar dheis ná ar chlé.

[3]San ochtú bliain dá réimeas, agus é fós ina ógánach, chrom sé ar Dhia Dháiví, a shinsear, a lorg, agus sa dara bliain déag chrom sé na hardionaid, na cuaillí naofa,

Jerusalém dos altos, dos postes-ídolos e das imagens de escultura e de fundição.

agus na híola de mhiotal leáite, a scriosadh as Iúdá agus as Iarúsailéim.

[4] Na presença dele, derribaram os altares dos baalins; ele despedaçou os altares do incenso que estavam acima deles; os postes-ídolos e as imagens de escultura e de fundição, quebrou-os, reduziu-os a pó e o aspergiu sobre as sepulturas dos que lhes tinham sacrificado.

[4]Scartáladh altóirí na mBálaím ina fhianaise; leag sé anuas na haltóirí túise a bhí os a gcionn, agus rinne sé smidiríní de na cuaillí naofa, de na híomhánna greanta, agus de na híola de mhiotal leáite; rinne sé luaithreach díobh agus leath sé an luaithreach sin ar uaigheanna na ndaoine a rinne íobairt dóibh.

[5] Os ossos dos sacerdotes queimou sobre os seus altares e purificou a Judá e a Jerusalém.

[5]Loisc sé cnámha a sagart ar na haltóirí agus ar an gcuma sin ghlan sé Iúdá agus Iarúsailéim.

[6] O mesmo fez nas cidades de Manassés, de Efraim e de Simeão, até Naftali, por todos os lados no meio das suas ruínas.

[6]Rinne sé amhlaidh chomh maith i gcathracha Mhanaise, Eafráim agus Shimeon, agus fiú i Naftáilí, agus sna dúichí bánaithe máguaird.

[7] Tendo derribado os altares, os postes-ídolos e as imagens de escultura, até reduzi-los a pó, e tendo despedaçado todos os altares do incenso em toda a terra de Israel, então, voltou para Jerusalém.

[7]Bhris sé na haltóirí agus na cuaillí naofa, rinne luaithreach de na híola, agus scartáil na haltóirí túise ar fud thír Iosrael. Ansin d'fhill sé ar Iarúsailéim.

O rei repara o templo

2 Reis 22.3-7

[8] No décimo oitavo ano do seu reinado, havendo já purificado a terra e a casa, enviou a Safã, filho de Azalias, a Maaséias, governador da cidade, e a Joá, filho de Joacaz, cronista, para repararem a Casa do SENHOR, seu Deus.

[8]San ochtú bliain déag dá réimeas, d'fhonn an tír agus an Teampall a ghlanadh, chuir sé Seáfán mac Azailiá, agus Másaeiá rialtóir na cathrach, agus Ioach mac Ioachaz an callaire, le Teampall an Tiarna a Dhia a ghlanadh.

[9] Foram a Hilquias, sumo sacerdote, e entregaram o dinheiro que se tinha trazido à Casa de Deus e que os levitas, guardas da porta, tinham ajuntado, dinheiro provindo das mãos de Manassés, de Efraim e de todo o resto de Israel, como também

[9]Chuaigh siadsan go Hilcíá an t-ardsagart agus thug siad dó an t-airgead a tugadh go Teampall an Tiarna, agus a bhailigh na Léivítigh, gardaí na tairsí, ó Mhanaise agus ó Eafráim, agus ó iarmhar uile Iosrael

de todo o Judá e Benjamim e dos habitantes de Jerusalém.

agus ó Iúdá agus ó Bhiniáimin go léir, agus ó áitritheoirí Iarúsailéim.

[10] Eles o entregaram aos que dirigiam a obra e tinham a seu cargo a Casa do SENHOR, para que pagassem àqueles que faziam a obra, trabalhadores na Casa do SENHOR, para repararem e restaurarem a casa.

[10]Thug siad é do shaoistí na n-oibreacha a bhain le Teampall an Tiarna agus d'úsáid saoistí oibreacha an Teampaill é leis an Teampall a chóiriú agus a dheisiú.

[11] Deram-no aos carpinteiros e aos edificadores, para comprarem pedras lavradas e madeiras para as junturas e para servirem de vigas para as casas que os reis de Judá deixaram cair em ruína.

[11]Thug siad é do na saoir adhmaid agus chloiche le cloch ghearrtha a cheannach, agus adhmad do chúplaí agus do chearchaillí na bhfoirgneamh ar lig ríthe Iúdá dóibh titim ar lár.

[12] Os homens procederam fielmente na obra; e os superintendentes deles eram Jaate e Obadias, levitas, dos filhos de Merari, como também Zacarias e Mesulão, dos filhos dos coatitas, para superintenderem a obra.

[12]Rinne na fir a gcuid oibre go dílis; cuireadh i gceannas orthu: Iachat agus Obaidiá, Léivítigh de chlann Mharáraí; agus Zacairiá agus Misiulám, de chlann Chohát, mar mhaoir ar an obair; agus Léivítigh a raibh gach duine díobh oilte ar an gceol liotúirgeach;

[13] Todos os levitas peritos em instrumentos músicos eram superintendentes dos carregadores e dirigiam a todos os que faziam a obra, em qualquer sorte de trabalho. Outros levitas eram escrivães, oficiais e porteiros.

[13]a thuilleadh a bhí i gceannas an lucht iompair; a thuilleadh a thug treoracha do shaoistí oibreacha na mbeartas ar leith; agus roinnt Léivíteach a bhí mar scríobhaithe, mar chléirigh, agus mar lucht faire ar na geataí.

Hilquias acha o Livro da Lei

2 Reis 22.8-10

Aimsítear Leabhar an Dlí

[14] Quando se tirava o dinheiro que se havia trazido à Casa do SENHOR, Hilquias, o sacerdote, achou o Livro da Lei do SENHOR, dada por intermédio de Moisés.

[14]Nuair a bhí an t-airgead a tugadh go Teampall an Tiarna á thógáil amach acu, fuair Hilcíá an t-ardsagart leabhar dhlí an Tiarna a tugadh trí Mhaois.

[15] Então, disse Hilquias ao escrivão Safã: Achei o Livro da Lei na Casa do SENHOR.

[15]Ansin dúirt Hilcíá le Seáfán an rúnaí: “Fuair mé leabhar an dlí i dTeampall an

Tiarna," agus thug Hilcíá an leabhar do Sheáfán.

[16] Hilquias entregou o livro a Safã. Então, Safã levou o livro ao rei e lhe deu relatório, dizendo: Tudo quanto se encomendou a teus servos, eles o fazem.

[16]Thug Seáfán an leabhar go dtí an rí agus seo mar d'aithris sé dó: "Tá na beartais go léir a leag tú ar do shearbhóntaí á gcur i gcrích acu.

[17] Contaram o dinheiro que se achou na Casa do SENHOR e o entregaram nas mãos dos que dirigem a obra e dos que a executam.

[17]Rinne siad an t-airgead go léir a bhí i dTeampall an Tiarna a leá agus a thabhairt suas do na maoir agus do shaoistí na n-oibreacha."

[18] Relatou mais o escrivão ao rei, dizendo: O sacerdote Hilquias me entregou um livro. Safã leu nele diante do rei.

[18]Ansin dúirt Seáfán an rúnaí leis an rí: "Thug Hilcíá an sagart leabhar dom," agus léigh Seáfán sliocht as i láthair an rí.

Josias manda consultar a profetisa Hulda

2 Reis 22.11-20

[19] Tendo o rei ouvido as palavras da lei, rasgou as suas vestes.

[19]Nuair a chuala an rí briathra an dlí, stróic sé a chuid éadaigh,

[20] Ordenou o rei a Hilquias, a Aicão, filho de Safã, a Abdom, filho de Mica, a Safã, o escrivão, e a Asaías, servo do rei, dizendo:

[20]agus ansin thug sé an t-ordú seo leanas do Hilcíá, d'Aichíceám mac Sheáfán, d'Abdón mac Mhíocá, do Sheáfán an rúnaí, agus d'Asáiá, searbhónta an rí:

[21] Ide e consultai o SENHOR por mim e pelos restantes em Israel e Judá, acerca das palavras deste livro que se achou; porque grande é o furor do SENHOR, que se derramou sobre nós, porquanto nossos pais não guardaram as palavras do SENHOR, para fazerem tudo quanto está escrito neste livro.

[21]"Gabhaigí i gcomhairle leis an Tiarna thar mo cheann féin, agus thar cheann a bhfuil fágtha in Iosrael agus in Iúdá, i dtaobh a bhfuil sa leabhar seo a fuarthas anois beag. Óir is mór atá fearg an Tiarna fadaithe inár n-aghaidh de bhrí nár chomhlíon ár sinsir briathar an Tiarna agus gach a bhfuil scríofa sa leabhar seo a chleachtadh."

Fáistine ó Bhanfháidh

[22] Então, Hilquias e os enviados pelo rei foram ter com a profetisa Hulda, mulher de Salum, o guarda-roupa, filho de Tocate, filho de Harás, e lhe falaram a esse respeito. Ela habitava na Cidade Baixa, em Jerusalém.

[22]Chuaigh Hilcíá agus teachtairí an rí go dtí Huldá an banfháidh, bean Shealum mac Thócat mac Hasrá, coimeádaí na n-éidí (bhí cónaí uirthi in Iarúsailéim sa bhaile nua), agus cuir siad an scéal faoina bráid.

[23] Ela lhes disse: Assim diz o SENHOR, o Deus de Israel: Dizei ao homem que vos enviou a mim:

[24] Assim diz o SENHOR: Eis que trarei males sobre este lugar e sobre os seus moradores, a saber, todas as maldições escritas no livro que leram diante do rei de Judá.

[25] Visto que me deixaram e queimaram incenso a outros deuses, para me provocarem à ira com todas as obras das suas mãos, o meu furor está derramado sobre este lugar e não se apagará.

[26] Porém ao rei de Judá, que vos enviou a consultar o SENHOR, assim lhe direis: Assim diz o SENHOR, o Deus de Israel, acerca das palavras que ouviste:

[27] Porquanto o teu coração se enterneceu, e te humilhaste perante Deus, quando ouviste as suas ameaças contra este lugar e contra os seus moradores, e te humilhaste perante mim, e rasgaste as tuas vestes, e choraste perante mim, também eu te ouvi, diz o SENHOR.

[28] Pelo que eu te reunirei a teus pais, e tu serás recolhido em paz à tua sepultura, e os teus olhos não verão todo o mal que hei de trazer sobre este lugar e sobre os seus moradores. Então, levaram eles ao rei esta resposta.

Josias renova a aliança ante o Senhor
2 Reis 23.1-3

[23]D'fhreagair sí: “Deir an Tiarna, Dia Iosrael, mar leanas: ‘Abraigí é seo leis an té a chuir chugam sibh:

[24]Seo mar a deir an Tiarna: Tá tubaiste á tabhairt agam ar an áit seo agus ar an muintir a chónaíonn ann, na mallachtaí go léir, is é sin, atá scríofa sa leabhar a léadh i láthair rí Iúdá;

[25]mar thréig siad mise agus rinne siad íobairt do dhéithe eile, do mo ghriogadh chun feirge i ngach beart dá ndearna siad. Uime sin tá m'fhearg le lasadh in aghaidh na háite seo, agus ní dhéanfar í a mhuchadh.

[26]Agus abraigí le rí Iúdá a chuir sibh le dul i gcomhairle leis an Tiarna: Mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael: [Comhlíonfar] na focail a chuala tú.

[27]De bhrí go bhfuil aithrí i do chroí agus gur umhlaigh tú thú féin os comhair Dé nuair a chuala tú cad a bhagair sé in aghaidh na háite seo agus a lucht cónaithe; de bhrí gur umhlaigh tú thú féin os mo chomhair, agus gur stróic tú do chuid éadaigh, agus gur ghoil tú i mo láthair, thug mise cluas duit - sé an Tiarna atá ag caint.

[28]Déanfaidh mé thú a chruinniú chun do shinsear, agus déanfar do chnámha a bhreith faoi shíocháin chun na huaighe. Ní fheicfidh tú le do shúile cinn na tubaistí go léir atá ar aigne agam a thabhairt ar an áit seo agus ar a bhfuil ina gcónaí ann.’ ” Thug siad an freagra sin leo go dtí an rí.

An Conradh á Athnuachan

[29] Então, deu ordem o rei, e todos os anciãos de Judá e de Jerusalém se ajuntaram.

[30] O rei subiu à Casa do SENHOR, e todos os homens de Judá, todos os moradores de Jerusalém, os sacerdotes, os levitas e todo o povo, desde o menor até ao maior; e leu diante deles todas as palavras do Livro da Aliança que fora encontrado na Casa do SENHOR.

[31] O rei se pôs no seu lugar e fez aliança ante o SENHOR, para o seguirem, guardarem os seus mandamentos, os seus testemunhos e os seus estatutos, de todo o coração e de toda a alma, cumprindo as palavras desta aliança, que estavam escritas naquele livro.

[32] Todos os que se acharam em Jerusalém e em Benjamim anuíram a esta aliança; e os habitantes de Jerusalém fizeram segundo a aliança de Deus, o Deus de seus pais.

[33] Josias tirou todas as abominações de todas as terras que eram dos filhos de Israel; e a todos quantos se acharam em Israel os obrigou a que servissem ao SENHOR, seu Deus. Enquanto ele viveu, não se desviaram de seguir o SENHOR, Deus de seus pais.

2 Crônicas 35

A celebração da Páscoa

2 Reis 23.21-23

[29]Ansin chruinnigh an rí chuige féin seanóirí Iúdá agus Iarúsailéim go léir.

[30]Chuaigh an rí suas go Teampall an Tiarna mar aon le pobal uile Iúdá agus muintir Iarúsailéim ar fad, idir shagairt agus Léivítigh agus an pobal go léir idir uasal agus íseal. Léigh sé amach i gcomhchlos dóibh, gach focal dá raibh scríofa i leabhar an chonartha a fuarthas i dTeampall an Tiarna.

[31]Sheas an rí ina ionad féin agus rinne sé conradh i láthair an Tiarna a chur mar cheangal air féin an Tiarna a leanúint agus a aitheanta agus a reachtanna agus a dhlíthe a chomhlíonadh lena chroí go hiomlán, agus lena anam go hiomlán, agus briathra an chonartha a bhí scríofa sa leabhar sin a chur i gcrích.

[32]Thug sé a ionad féin ansiúd do gach duine in Iarúsailéim nó i mBiniáimin. Chloígh áitritheoirí Iarúsailéim ar fad le conradh a nDé, Dia a sinsear.

[33]Scuab Ióisíá chun siúil gach gráinniúlacht a bhí ar fud na gcríoch go léir a bhain le clann Iosrael. Rinne sé deimhin de i gcaitheamh a shaoil ar fad go ndearna gach duine in Iosrael seirbhís don Tiarna a nDia. Níor theip orthu an Tiarna, Dia a sinsear, a leanúint.

2 Croinicí 35

An Cháisc

[1] Josias celebrou a Páscoa ao SENHOR, em Jerusalém; e mataram o cordeiro da Páscoa no décimo quarto dia do primeiro mês.

[2] Estabeleceu os sacerdotes nos seus cargos e os animou a servirem na Casa do SENHOR.

[3] Disse aos levitas que ensinavam a todo o Israel e estavam consagrados ao SENHOR: Ponde a arca sagrada na casa que edificou Salomão, filho de Davi, rei de Israel; já não tereis esta carga aos ombros; servi, pois, ao SENHOR, vosso Deus, e ao seu povo de Israel.

[4] Preparai-vos segundo as vossas famílias, segundo os vossos turnos, segundo a prescrição de Davi, rei de Israel, e a de Salomão, seu filho.

[5] Ministrai no santuário segundo os grupos das famílias de vossos irmãos, os filhos do povo; e haja, para cada grupo, uma parte das famílias dos levitas.

[6] Imolai o cordeiro da Páscoa; e santificai-vos e preparai-o para vossos irmãos, fazendo segundo a palavra do SENHOR, dada por intermédio de Moisés.

[7] Ofereceu Josias a todo o povo cordeiros e cabritos do rebanho, todos para os sacrifícios da Páscoa, em número de trinta mil, por todos que se achavam ali; e, de bois, três mil; tudo isto era da fazenda do rei.

[1]Rinne Ióisíá Cáisc a cheiliúradh in onóir an Tiarna in Iarúsailéim, agus mharaíodar an t-uan Cásca ar an gceathrú lá déag den chéad mhí.

[2]Cheap sé na sagairt arís i mbun a gcúraimí agus thug misneach dóibh le dualgais Theampall an Tiarna a chomhlíonadh.

[3]Ansin dúirt sé leis na Léivítigh a raibh a n-eagna ar fáil d'Iosrael go léir agus a bhí coisricthe don Tiarna: “Cuirigí an áirc naofa sa Teampall a thóg Solamh mac Dháiví, rí Iosrael. Ní gá daoibh í a iompar ar bhur nguaillí a thuilleadh. Tugaigí seirbhís anois don Tiarna bhur nDia agus dá phobal Iosrael.

[4]Déanaigí sibh féin a chóiriú de réir bhur n-ord in bhur bhfiní de réir threoracha scríofa Dháiví rí Iosrael agus a mhic Solamh.

[5]Agus seasaigí san áit naofa de réir eagar bhur bhfiní sinseartha, faoi réir bhur mbráithre, na tuataí; bíodh cuid i bhfine ag na Léivítigh.

[6]Maraigí an t-uan Cásca, agus naomhaigí sibh féin, agus bígí faoi réir bhur mbráithre le déanamh de réir bhriathar an Tiarna a labhraíodh trí bhéal Mhaois.”

[7]Chuir Ióisíá ar fáil do na tuataí, mar íobartaigh Chásca do gach duine a bhí i láthair, tríocha míle uan agus meannán ó na tréada, agus trí mhíle tarbh. Ba as sealúchas an rí an méid sin.

[8] Também fizeram os seus príncipes ofertas voluntárias ao povo, aos sacerdotes e aos levitas; Hilquias, Zacarias e Jeiel, chefes da Casa de Deus, deram aos sacerdotes, para os sacrifícios da Páscoa, dois mil e seiscentos cordeiros e cabritos e trezentos bois.

[9] Conanias, Semaías e Natanael, seus irmãos, como também Hasabias, Jeiel e Jozabade, chefes dos levitas, apresentaram aos levitas, para os sacrifícios da Páscoa, cinco mil cordeiros e cabritos e quinhentos bois.

[10] Assim, se preparou o serviço, e puseram-se os sacerdotes nos seus lugares e também os levitas, pelos seus turnos, segundo o mandado do rei.

[11] Então, imolaram o cordeiro da Páscoa; e os sacerdotes aspergiam o sangue recebido das mãos dos levitas que esfolavam as reses.

[12] Puseram de parte o que era para os holocaustos e o deram ao povo, segundo os grupos das famílias, para que estes o oferecessem ao SENHOR, como está escrito no Livro de Moisés; e assim fizeram com os bois.

[13] Assaram o cordeiro da Páscoa no fogo, segundo o rito; as ofertas sagradas cozeram em panelas, em caldeirões e em assadeiras; e os levitas as repartiram entre todo o povo.

[14] Depois, as prepararam para si e para os sacerdotes; porque os sacerdotes, filhos de

[8]Rinne a fheidhmeannaigh soláthar do na híobairtí deonacha ar son an phobail, na sagart agus na Léivíteach. Thug na hardfheidhmeannaigh dhá mhíle sé chéad uan agus meannán agus trí chéad tarbh mar íobartaigh Chásca do shagairt Theampall an Tiarna, Hilcíá, Zacairiá, agus Ichíéil.

[9]Cónainiá agus Simeí agus Natanael a dhearthái r, agus Haisibiá agus Ichíéil agus Iózábád, ceannairí na Léivíteach, thug siad cúig mhíle uan agus meannán agus cúig céad tarbh mar íobartaigh Chásca do na Léivítigh.

[10]Socraíodh ord na seirbhíse, leis na sagairt ina n-áit féin agus na Léivítigh ina n-oird de réir mar a d'ordaigh an rí.

[11]Mharaíodar an Cháisc, agus dhoirt na sagairt an fhuil a fuair siad ó na Léivítigh, agus rinne na Léivítigh na híobartaigh a fheannadh.

[12]Chuir siad an ofráil dhóite i leataobh lena tabhairt d'fhiní sinseartha na dtuataí de réir mar a dhéanadh gach dream a n-ofráil don Tiarna faoi mar atá scríofa i leabhar Mhaois. Rinne siad mar an gcéanna leis na tairbh.

[13]Rinne siad an Cháisc a róstadh leis an tine de réir mar a bhí leagtha síos; agus bhruith siad an bia naofa i gcoirí, i bpotaí, i gcorcáin, agus d'iompair iad ar an toirt chun na dtuataí go léir.

[14]Ina dhiaidh sin chóirigh siad an Cháisc dóibh féin agus do na sagairt, mar bhí na

Arão, se ocuparam, até à noite, com o sacrifício dos holocaustos e da gordura; por isso é que os levitas prepararam para si e para os sacerdotes, filhos de Arão.

sagairt, clann Árón, gafa go hoíche ag ofráil na híobairte dóite agus na spolaí méithe. Sin é an fáth ar chóirigh na Léivítigh an Cháisc dóibh féin agus do na sagairt, clann Árón.

[15] Os cantores, filhos de Asafe, estavam nos seus lugares, segundo o mandado de Davi, e de Asafe, e de Hemã, e de Jedutum, vidente do rei, como também os porteiros, a cada porta; não necessitaram de se desviarem do seu ministério; porquanto seus irmãos, os levitas, preparavam o necessário para eles.

[15]Bhí na cantairí, clann Ásáf, ina n-áit, de réir rialacha Dháiví; níor ghá d'Ásáf, do Héamán, do Iadútún, físí an rí, ná do lucht faire na ngeataí a ndualgais a fhágáil, mar rinne a ngaolta, na Léivítigh, gach ní a chóiriú dóibh.

[16] Assim, se estabeleceu todo o serviço do SENHOR, naquele dia, para celebrar a Páscoa e oferecer holocaustos sobre o altar do SENHOR, segundo o mandado do rei Josias.

[16]Eagraíodh seirbhís liotúirgeach an Tiarna an lá sin leis an gCáisc a cheiliúradh agus le híobairtí dóite a ofráil ar altóir an Tiarna, de réir ordú an rí Ióisíá.

[17] Os filhos de Israel que se acharam presentes celebraram a Páscoa naquele tempo e a Festa dos Pães Asmos, por sete dias.

[17]Cheiliúir clann Iosrael a bhí i láthair an uair sin an Cháisc agus féile an aráin gan ghabháile ar feadh seacht lá.

[18] Nunca, pois, se celebrou tal Páscoa em Israel, desde os dias do profeta Samuel; e nenhum dos reis de Israel celebrou tal Páscoa, como a que celebrou Josias com os sacerdotes e levitas, e todo o Judá e Israel, que se acharam ali, e os habitantes de Jerusalém.

[18]Níor ceiliúradh Cáisc mar í in Iosrael ó laethanta Shamúéil an fáidh; níor cheiliúir aon rí de chuid Iosrael riamh Cáisc mar í siúd a cheiliúir Ióisíá leis na sagairt agus na Léivítigh agus lena raibh i láthair de Iúdá agus d'Iosrael go léir agus le háitritheoirí Iarúsailéim.

[19] No décimo oitavo ano do reinado de Josias, se celebrou esta Páscoa.

[19]Rinneadh an Cháisc sin a cheiliúradh san ochtú bliain déag de réimeas Ióisíá.

A morte de Josias no vale de Megido

2 Reis 23.28-30

Críoch Bhrónach a Ré

[20] Depois de tudo isto, havendo Josias já restaurado o templo, subiu Neco, rei do Egito, para guerrear contra Carquemis,

[20]Nuair a bhí gach ní a bhain le cóiriú an Teampaill curtha i gcrích ag Ióisíá, ghabh Neaco rí na hÉigipte suas chun troid ag

junto ao Eufrates. Josias saiu de encontro a ele.

[21] Então, Neco lhe mandou mensageiros, dizendo: Que tenho eu contigo, rei de Judá? Não vou contra ti hoje, mas contra a casa que me faz guerra; e disse Deus que me apressasse; cuida de não te opores a Deus, que é comigo, para que ele não te destrua.

[17]Dúirt mé leo ansin: “Feiceann sibh an cruachás ina bhfuilimid: tá Iarúsailéim ar lár agus a geataí dóite. Téanaigí, tógaimis ballaí Iarúsailéim agus ná bímis faoi náire mar seo a thuilleadh.”

[18]Agus d'inis mé dóibh conas mar a bhí lámh chineálta Dé mar thaca liom chun na maitheasa, agus d'aithris mé dóibh a ndúirt an rí liom. “I mbun oibre linn!” ar siad, “agus ar aghaidh leis an tógáil!” agus chrom siad ar an obair fhónta le fonn.

[19]Nuair a chuala Sanballat an Horónach agus Tóibíá an daor Amónach agus Geisim an tArabach mar gheall air seo, rinneadar magadh agus fonóid fúinn agus d'fhiafraíodar: “Céard atá ar siúl agaibh, an bhfuil ceannairc in aghaidh an rí á beartú agaibh?”

[20]Ach thug mé freagra orthu: “Cuirfidh Dia neimhe agus talún an rath orainn! Táimidne, a shearbhóntaí, ag dul i mbun tógála; níl cuid ná ceart ná seoid chuimhne agaibhse in Iarúsailéim.”

Nihimiá 3

Obair Dheonach

[1]Ansin chrom Eiliáisíb an t-ardsagart agus a chomhshagairt ar Gheata na gCaorach a thógáil; [leagadar síos] a ursana agus ghreamaíodar a chomhlaí [a bholtaí agus a bharraí] agus lean siad ar aghaidh go Túr Hananael.

[2] Junto a ele edificaram os homens de Jericó; também, ao seu lado, edificou Zacur, filho de Inri.

[3] Os filhos de Hassenaá edificaram a Porta do Peixe; colocaram-lhe as vigas e lhe assentaram as portas com seus ferrolhos e trancas.

[4] Ao seu lado, reparou Meremote, filho de Urias, filho de Coz; junto deste reparou Mesulão, filho de Berequias, filho de Mesezabel, a cujo lado reparou Zadoque, filho de Baaná.

[5] Ao lado destes, repararam os tecoítas; os seus nobres, porém, não se sujeitaram ao serviço do seu senhor.

[6] Joiada, filho de Paséia, e Mesulão, filho de Besodias, repararam a Porta Velha; colocaram-lhe as vigas e lhe assentaram as portas com seus ferrolhos e trancas.

[7] Junto deles, trabalharam Melatias, gibeonita, e Jadom, meronotita, homens de Gibeão e de Mispa, que pertenciam ao domínio do governador de além do Eufrates.

[8] Ao seu lado, reparou Uziel, filho de Haraías, um dos ourives; junto dele, Hananias, um dos perfumistas; e restauraram Jerusalém até ao Muro Largo.

[9] Junto a estes, trabalhou Refaías, filho de Hur, maioral da metade de Jerusalém.

[2]Fir Ireachó a thóg taobh leo, agus [taobh leosan] Zacúr mac Imrí.

[3]Clann mhac Hasaná a thóg Geata an Éisc; leagadar síos a ursana agus ghreamaíodar a chomhlaí, a bholtaí agus a bharraí.

[4]Taobh leosan rinne Maraemót mac Úiriá mac Hacóz deisiú; taobh leis-sean rinne Misiulám mac Bheiriciá mac Mhiséazabael deisiú;

[5]taobh leis-sean rinne muintir Theacóá deisiú cé gur dhiúltaigh a dtaoisigh a gceann a chromadh do chuing saothair a dtiarnaí.

[6]Rinne Ióiádá mac Phásae agus Misiulám mac Bhasóidiá [geata na roinne nua] a dheisiú; leagadar a ursana, ghreamaíodar a chomhlaí, a bholtaí agus a bharraí.

[7]Taobh leosan rinne Malaitiá ó Ghibeón, agus Iádón ó Mhaeronot deisiú, agus fir Ghibeón agus Mhizpeá ar son gobharnóirí an chúige thar Eofrataes.

[8]Taobh leosan rinne Úizíéil, ball de chuallacht na ngaibhne óir, deisiú; taobh leis-sean rinne Hanainiá de chuallacht na gcumhróirí deisiú; rinne siad Iarúsailéim a dhaingniú chomh fada le [Balla na Cearnóige];

[9]taobh leosan rinne Rafáiá mac Húr, rialtóir ar leath dhúiche Iarúsailéim, deisiú;

[10] Ao seu lado, reparou Jedaías, filho de Harumafe, defronte da sua casa; e, ao seu lado, reparou Hatus, filho de Hasabnéias.

[11] A outra parte reparou Malquias, filho de Harim, e Hassube, filho de Paate-Moabe, como também a Torre dos Fornos.

[12] Ao lado dele, reparou Salum, filho de Haloés, maioral da outra meia parte de Jerusalém, ele e suas filhas.

[13] A Porta do Vale, reparou-a Hanum e os moradores de Zanoa; edificaram-na e lhe assentaram as portas com seus ferrolhos e trancas e ainda mil côvados da muralha, até à Porta do Monturo.

[14] A Porta do Monturo, reparou-a Malquias, filho de Recabe, maioral do distrito de Bete-Haquerém; ele a edificou e lhe assentou as portas com seus ferrolhos e trancas.

[15] A Porta da Fonte, reparou-a Salum, filho de Col-Hozé, maioral do distrito de Mispa; ele a edificou, e a cobriu, e lhe assentou as portas com seus ferrolhos e trancas, e ainda o muro do açude de Selá, junto ao jardim do rei, até aos degraus que descem da Cidade de Davi.

[16] Depois dele, reparou Neemias, filho de Azbuque, maioral da metade do distrito de Bete-Zur, até defronte dos sepulcros de Davi, até ao açude artificial e até à casa dos heróis.

[10]taobh leosan rinne Iadáiá mac Harúmaf deisiú ar aghaidh a thí féin; taobh leis-sean rinne Hatúis mac Haisibniá deisiú;

[11]rinne Mailcíveá mac Háirim agus Haisiúb mac Phachat Móáb an chéad chuid eile a dheisiú ar aghaidh go Túr na Sorn;

[12]taobh leis-sean rinne Sealúm mac Hallóchéis, uachtarán ar leath dhúiche Iarúsailéim, agus a chlann [mhac] deisiú.

[13]Rinne Hánún agus áitritheoirí Zánóach Geata an Ghleanna a dheisiú; d'athchóirigh siad é, leag síos a ursana agus ghreamaigh a chomhlaí, a bholtaí agus a bharraí, agus dheisigh siad míle banlámh den bhalla suas go dtí Geata an Aoiligh.

[14]Mailcíveá mac Raecáb, uachtarán dhúiche Bhéit-hac-Ceirim, dheisigh sé Geata an Aoiligh, [é féin agus a chlann mhac]; ghreamaigh sé a chomhlaí, a bholtaí agus a bharraí.

[15]Sealúm mac Chol Hoize, uachtarán dhúiche Mhizpeá, dheisigh sé Geata an Tobair; d'athchóirigh sé é, chumhdaigh é, agus ghreamaigh a chomhlaí, a bholtaí agus a bharraí. D'atóg sé chomh maith balla Linn na Canálach le hais ghairdín an rí, chomh fada ar aghaidh leis na céimeanna anuas ó dhúnfort Dháiví.

[16]Nihimiá mac Azbúc, uachtarán leath dhúiche Bhéit Zúr, rinne sé deisiú chomh fada leis an mball ar aghaidh thuamaí Dháiví, na linne tacair, agus Theach na Laoch;

[17] Depois dele, repararam os levitas, Reum, filho de Bani, e, ao seu lado, Hasabias, maioral da metade do distrito de Queila.

[18] Depois dele, repararam seus irmãos: Bavai, filho de Henadade, maioral da metade do distrito de Queila;

[19] ao seu lado, reparou Ezer, filho de Jesua, maioral de Mispa, outra parte defronte da subida para a casa das armas, no ângulo do muro.

[20] Depois dele, reparou com grande ardor Baruque, filho de Zabai, outra porção, desde o ângulo do muro até à porta da casa de Eliasibe, o sumo sacerdote.

[21] Depois dele, reparou Meremote, filho de Urias, filho de Coz, outra porção, desde a porta da casa de Eliasibe até à extremidade da casa de Eliasibe.

[22] Depois dele, repararam os sacerdotes que habitavam na campina.

[23] Depois, repararam Benjamim e Hassube, defronte da sua casa; depois deles, reparou Azarias, filho de Maaséias, filho de Ananias, junto à sua casa.

[24] Depois dele, reparou Binui, filho de Henadade, outra porção, desde a casa de Azarias até ao ângulo e até à esquina.

[25] Palal, filho de Uzai, reparou defronte do ângulo e da torre que sai da casa real superior, que está junto ao pátio do cárcere; depois dele, reparou Pedaías, filho de Parós,

[17]taobh leis-sean, rinne na Léivítigh deisiú: Rachúm mac Bháiní; taobh leis-sean rinne Haisibiá, uachtarán ar leath dhúiche Cheíleá, deisiú ar son a dhúiche féin;

[18]taobh leis-sean rinne a mbráithre deisiú; Bávaí mac Haenádád, uachtarán ar leath dhúiche Cheíliá;

[19]taobh leis-sean rinne Éizir mac Iéisiúa, uachtarán Mhizpeá, stráice eile a dheisiú ar aghaidh ard na hArmlainne i dtreo na hUilleann.

[20]Taobh leis-sean rinne Bárúc mac Zabaí stráice eile a dheisiú ón Uillinn chomh fada le doras theach Eiliáisíb an t-ardsagart;

[21]taobh leis-sean rinne Maraemót mac Úiríá mac Hacóz stráice eile a dheisiú ó dhoras theach Eiliáisíb go dtí a cheann eile;

[22]taobh leis-sean rinne na sagairt faoin tuath máguaird deisiú;

[23]taobh leo-san rinne Biniáimin agus Haisiúb deisiú ar aghaidh a dtithe féin; taobh leo-san rinne Azairiá mac Mhásaeiá mac Anainiá deisiú in aice a thí féin;

[24]taobh leis-sean rinne Bionúi mac Haenádád stráice eile a dheisiú ó theach Azairiá go dtí an Uillinn,

[25]agus ar aghaidh go dtí an cúinne. Rinne Pálál mac Úzaí deisiú ar aghaidh an chúinne, agus an túr atá ag gobadh amach os cionn phálás uachtarach an rí agus atá ina sheasamh i gclós an phríosúin. Taobh leis-sean rinne Padáiá mac Pharois deisiú

[26] e os servos do templo que habitavam em Ofel, até defronte da Porta das Águas, para o oriente, e até à torre alta.

[27] Depois, repararam os tecoítas outra porção, defronte da torre grande e alta, e até ao Muro de Ofel.

[28] Para cima da Porta dos Cavalos, repararam os sacerdotes, cada um defronte da sua casa.

[29] Depois deles, reparou Zadoque, filho de Imer, defronte de sua casa; e, depois dele, Semaías, filho de Secanias, guarda da Porta Oriental.

[30] Depois dele, reparou Hananias, filho de Selemias, e Hanum, o sexto filho de Zalafe, outra porção; depois deles, reparou Mesulão, filho de Berequias, defronte da sua morada.

[31] Depois dele, reparou Malquias, filho de um ourives, até à casa dos servos do templo e dos mercadores, defronte da Porta da Guarda, até ao eirado da esquina.

[32] Entre o eirado da esquina e a Porta das Ovelhas, repararam os ourives e os mercadores.

Neemias 4

A defesa contra os adversários

[1] Tendo Sambalate ouvido que edificávamos o muro, ardeu em ira, e se indignou muito, e escarneceu dos judeus.

[26](agus bhí na tíolacthaigh ag cur fúthu in Oifil) chomh fada le Geata an Uisce, i dtreo an oirthir, agus ar aghaidh an túir ghobaigh.

[27]Taobh leis-sean rinne muintir Theacóá deisiú ar stráice eile ar aghaidh an túir mhóir ghobaigh agus chomh fada le balla Oifil.

[28]Ó Gheata na nEach amach rinne na sagairt deisiú, gach duine acu ar aghaidh a thí féin.

[29]Taobh leo-san rinne Zádóc mac Iméir deisiú ar aghaidh a thí féin; taobh leis-sean rinne Seamaiá mac Sheacainiá, garda an Gheata Thoir, deisiú.

[30]Taobh [leis-sean] rinne Hanainiá mac Sheilimiá agus Hánún séú mac Záláf stráice eile a dheisiú; taobh leis-sean rinne Misiulám mac Bheiriciá deisiú ar aghaidh a áit chónaithe;

[31]taobh [leis-sean] rinne Mailcíveá, de chuallacht na ngaibhne óir, deisiú chomh fada le háras na dtíolacthach agus na gceannaithe, ar aghaidh Gheata na Faire, go seomra uachtair an chúinne.

[32]Rinne na gaibhne óir agus na ceannaithe a bhfuil idir seomra uachtair an chúinne agus Geata na gCaorach a dheisiú.

Naimhdeas

[33] Nuair a chuala Sanballat go raibh na ballaí á n-atógáil againn, tháinig fraoch agus cuthach feirge air. Rinne sé fonóid faoi na Giúdaigh

[2] Então, falou na presença de seus irmãos e do exército de Samaria e disse: Que fazem estes fracos judeus? Permitir-se-lhes-á isso? Sacrificarão? Darão cabo da obra num só dia? Renascerão, acaso, dos montões de pó as pedras que foram queimadas?

[3] Estava com ele Tobias, o amonita, e disse: Ainda que edifiquem, vindo uma raposa, derribará o seu muro de pedra.

[4] Ouve, ó nosso Deus, pois estamos sendo desprezados; caia o seu opróbrio sobre a cabeça deles, e faze que sejam despojo numa terra de cativeiro.

[5] Não lhes encubras a iniqüidade, e não se risque de diante de ti o seu pecado, pois te provocaram à ira, na presença dos que edificavam.

[6] Assim, edificamos o muro, e todo o muro se fechou até a metade de sua altura; porque o povo tinha ânimo para trabalhar.

[7] Mas, ouvindo Sambalate e Tobias, os arábios, os amonitas e os asdoditas que a reparação dos muros de Jerusalém ia avante e que já se começavam a fechar-lhe as brechas, ficaram sobremodo irados.

[8] Ajuntaram-se todos de comum acordo para virem atacar Jerusalém e suscitar confusão ali.

[34] agus dúirt i láthair a ghaolta agus maithe na Samáire: “Cén fuadar atá faoi na truáin Ghiúdacha seo? [An bhfuil siad le tosú?] An dóigh leo nach bhfuil ann ach gnó lae acu? An dóigh leo gur féidir dóibh anam a chur arís sna clocha seo, na clocha dóite seo, a sciob siad ó na cnocáin luaithrigh?”

[35]Bhí Tóibíá an tAmónach taobh leis, agus dúirt sé: “Tógaidís leo! má phreabann sionnach ar a mballa, leagfaidh sé na clocha anuas!”

[36] Féach, cad é drochmheas atá orainn, a Dhia linn! Tabhair a n-asacháin sa mhullach orthu féin! Cuir táir orthu i dtír éigin ina dtiomáinfear iad ar deoraíocht.

[37] Ná ceil a gciontacht agus ná scrios a bpeaca as do radharc, óir ghriog siad chun feirge thú os comhair lucht na tógála.

[38] Bhíomar ag atógáil an bhalla idir an dá linn, agus ba ghearr go raibh sé leath slí suas timpeall ar fad mar go raibh fonn oibre ar na daoine.

Nihimiá 4

[1] Nuair a fuair Sanballat, Tóibíá, na hArabaigh, na hAmónaigh, agus na hAisdeodaigh tuairisc go raibh deisiú ballaí Iarúsailéim ag dul chun cinn agus go raibh na bearnaí á n-iamh de réir a chéile, tháinig an-fhearg orthu,

[2] agus rinneadar comhcheilg teacht le chéile agus Iarúsailéim a ionsaí agus cur as do mo bheartas.

[9] Porém nós oramos ao nosso Deus e, como proteção, pusemos guarda contra eles, de dia e de noite.

[3] Ansin ghuíomar chun ár nDé agus chuireamar buíon ar garda ina n-aghaidh de lá agus d'oíche [d'fhonn an chathair a chosaint].

[10] Então, disse Judá: Já desfaleceram as forças dos carregadores, e os escombros são muitos; de maneira que não podemos edificar o muro.

[4] Ach chrom Iúdá ar ghearán: “Tá neart an lucht iompair ag teip agus is mór a bhfuil de luaithreach ann fós; ní chuirfimid críoch leis an mballa go deo.”

[11] Disseram, porém, os nossos inimigos: Nada saberão disto, nem verão, até que entremos no meio deles e os matemos; assim, faremos cessar a obra.

[5] Agus deireadh ár naimhde: “Tiocfaimid aniar aduaidh orthu gan fhios gan radharc acu, ansin déanfaimid iad a threascairt agus deireadh a chur leis an ngnó seo.”

[12] Quando os judeus que habitavam na vizinhança deles, dez vezes, nos disseram: De todos os lugares onde moram, subirão contra nós,

[6] Thug Giúdaigh a bhí ag cur fúthu ina gcóngar rabhadh dúinn deich n-uaire ina dtaobh, á rá: “Tá siad chugainn as gach ball ina bhfuil cónaí orthu.”

[13] então, pus o povo, por famílias, nos lugares baixos e abertos, por detrás do muro, com as suas espadas, e as suas lanças, e os seus arcos;

[7] [Chuamar] inár láithreacha catha dá bhrí sin thíos ar chúl an bhalla mar a raibh fairsinge; d'eagraigh mé na daoine de réir fine, agus claimhte sleánna agus boghanna acu.

[14] inspecionei, dispus-me e disse aos nobres, aos magistrados e ao resto do povo: não os temais; lembrai-vos do SENHOR, grande e temível, e pelejai pelos vossos irmãos, vossos filhos, vossas filhas, vossa mulher e vossa casa.

[8] Thug mé faoi deara [an eagla a bhí orthu] agus d'éirigh mé i mo sheasamh agus dúirt mé leis na huachtaráin, na maoir, agus leis an bpobal eile go léir: “Ná bíodh eagla oraibh rompu! Cuimhnigí ar an Tiarna, mar is mór é agus is díol urraime é; troidigí ar son bhur ngaolta, bhur gclann mhac agus iníonacha ar son bhur mban agus bhur mbaile.”

[15] E sucedeu que, ouvindo os nossos inimigos que já o sabíamos e que Deus tinha frustrado o desígnio deles, voltamos todos nós ao muro, cada um à sua obra.

[9] Nuair a fuair ár naimhde amach go raibh rabhadh faighte againn, agus gur chuir Dia a bplean amú, [d'imíodar leo] agus chuamar go léir ar ais, gach duine i mbun a shaothair ar an mballa.

[16] Daquele dia em diante, metade dos meus moços trabalhava na obra, e a outra metade empunhava lanças, escudos, arcos e couraças; e os chefes estavam por detrás de toda a casa de Judá;

[17] os carregadores, que por si mesmos tomavam as cargas, cada um com uma das mãos fazia a obra e com a outra segurava a arma.

[18] Os edificadores, cada um trazia a sua espada à cinta, e assim edificavam; o que tocava a trombeta estava junto de mim.

[19] Disse eu aos nobres, aos magistrados e ao resto do povo: Grande e extensa é a obra, e nós estamos no muro mui separados, longe uns dos outros.

[20] No lugar em que ouvirdes o som da trombeta, para ali acorrei a ter conosco; o nosso Deus pelejará por nós.

[21] Assim trabalhávamos na obra; e metade empunhava as lanças desde o raiar do dia até ao sair das estrelas.

[22] Também nesse mesmo tempo disse eu ao povo: Cada um com o seu moço fique em Jerusalém, para que de noite nos sirvam de guarda e de dia trabalhem.

[23] Nem eu, nem meus irmãos, nem meus moços, nem os homens da guarda que me seguiam largávamos as nossas vestes; cada um se deitava com as armas à sua direita.

[10] Ón lá sin amach ní bhíodh ach leath mo chuid fear ag tógáil; bhíodh an chuid eile ina seasamh, agus sleánna sciatha boghanna agus lúireacha acu, ar chúl teaghlach Iúdá,

[11] a bhí ag tógáil an bhalla. Bhíodh [airm ag] an lucht iompair chomh maith, i dtreo go ndéanadh gach duine díobh a ghnó lena leathláimh agus a arm ina leathláimh eile.

[12] Agus gach saor i mbun tógála bhíodh a chlaíomh ina chrios aige. Bhíodh fear an stoic le m'ais.

[13]Dúirt mé leis na huachtaráin, leis na feidhmeannaigh agus leis an gcuid eile den phobal: “Tá an obair mór agus í leata go fairsing agus táimid scartha i bhfad óna chéile ar na ballaí.

[14] Cibé áit ina gcloisfidh sibh an stoc á shéideadh, cruinnigí inár dtimpeall, agus troidfidh ár nDia thar ár gceann.”

[15] Chuamar ar aghaidh leis an obair mar sin (agus airm i lámha leath na bhfear) ó bhreacadh an lae go glioscarnach na réaltaí.

[16] Ansin dúirt mé leis an bpobal: “Caitheadh gach fear agus a sheirbhíseach an oíche in Iarúsailéim agus ar an tslí sin beidh siad ag faire dúinn san oíche agus ag obair sa lá.”

[17] Ní dhearna aon duine againn, mé féin ná mo ghaolta ná mo sheirbhísigh ná baill mo gharda phearsanta, ár gcuid éadaigh a bhaint dínn aon uair, ach a airm [i láimh gach duine].

Neemias 5

Medidas contra a usura

[1] Foi grande, porém, o clamor do povo e de suas mulheres contra os judeus, seus irmãos.

[2] Porque havia os que diziam: Somos muitos, nós, nossos filhos e nossas filhas; que se nos dê trigo, para que comamos e vivamos.

[3] Também houve os que diziam: As nossas terras, as nossas vinhas e as nossas casas hipotecamos para tomarmos trigo nesta fome.

[4] Houve ainda os que diziam: Tomamos dinheiro emprestado até para o tributo do rei, sobre as nossas terras e as nossas vinhas.

[5] No entanto, nós somos da mesma carne como eles, e nossos filhos são tão bons como os deles; e eis que sujeitamos nossos filhos e nossas filhas para serem escravos, algumas de nossas filhas já estão reduzidas à escravidão. Não está em nosso poder evitá-lo; pois os nossos campos e as nossas vinhas já são de outros.

[6] Ouvindo eu, pois, o seu clamor e estas palavras, muito me aborreci.

[7] Depois de ter considerado comigo mesmo, repreendi os nobres e magistrados e lhes disse: Sois usurários, cada um para com seu irmão; e convoquei contra eles um grande ajuntamento.

Nihimiá 5

Fadhbanna

[1]Ansin chrom na gnáthdhaoine agus a gcuid ban ag gearán go géar agus go garg in aghaidh a gcomhGhiúdach.

[2]Dúirt cuid acu: “Tá d'iallach orainn ár mic agus ar n-iníonacha [a mhalartú] chun go leor arbhair a fháil le hithe agus le teacht slán.”

[3]Dúirt cuid eile acu: “Tá d'iallach orainn ár dtailte, ár bhfíonghoirt agus ár dtithe a chur i ngeall le harbhar a fháil le linn an ghorta.”

[4]Dúirt a thuilleadh fós acu: “Chaitheamar iasacht airgid a fháil, agus dul i mbannaí chuige sin lenár dtailte agus lenar bhfíonghoirt chun cáin an rí a íoc;

[5]agus cé gur d'aon mhianach ar bhfeoilne agus feoil ar mbráithre, agus go bhfuil ár gclann-na chomh maith lena gclannsan, caithfimidne ár mic agus ár n-iníonacha a reic mar dhaoir; rinneadh cuid dár n-iníonacha a éigniú! Ach níl breith againn ar aon leigheas a chur ar an scéal, mar tá daoine eile anois i seilbh ár dtailte agus ár bhfíonghort agus ár maoine.”

[6]Nuair a chuala mé an gearán agus an chaint sin, bhí an-fhearg orm.

[7]Rinne mé mo mhachnamh ar an scéal agus ansin chuir mé ceartú ar na huachtaráin agus ar na feidhmeannaigh á rá: “Cad é ualach atá á chur ag gach duine agaibh ar a bhráthair!” Ghairm mé comhthionól mór le chéile le plé leo.

[8] Disse-lhes: nós resgatamos os judeus, nossos irmãos, que foram vendidos às gentes, segundo nossas posses; e vós outra vez negociaríeis vossos irmãos, para que sejam vendidos a nós?

[9] Então, se calaram e não acharam o que responder. Disse mais: não é bom o que fazeis; porventura não devíeis andar no temor do nosso Deus, por causa do opróbrio dos gentios, os nossos inimigos?

[10] Também eu, meus irmãos e meus moços lhes demos dinheiro emprestado e trigo. Demos de mão a esse empréstimo.

[11] Restituí-lhes hoje, vos peço, as suas terras, as suas vinhas, os seus olivais e as suas casas, como também o centésimo do dinheiro, do trigo, do vinho e do azeite, que exigistes deles.

[12] Então, responderam: Restituir-lhes-emos e nada lhes pediremos; faremos assim como dizes. Então, chamei os sacerdotes e os fiz jurar que fariam segundo prometeram.

O bom exemplo de Neemias

[13] Também sacudi o meu regaço e disse: Assim o faça Deus, sacuda de sua casa e de seu trabalho a todo homem que não cumprir esta promessa; seja sacudido e despojado. E toda a congregação respondeu: Amém! E louvaram o SENHOR; e o povo fez segundo a sua promessa.

[8]Dúirt mé leo: “Ár gcomhGhiúdaigh a díoladh le strainséirí, rinneamar iad a fhuascailt chomh fada agus a b'fhéidir dúinn, ach seo sibhse anois ag reic bhur mbráithre le go ndéanfaí iad a dhíol ar ais linne!” Bhíodar ina dtost agus níor fhan focal le rá acu.

[9]Lean mé orm dá bhrí sin: “Is olc an rud é seo atá ar siúl agaibh. Nár chóir daoibh siúl ar chosán eagla Dé agus fonóid na gciníocha, ár naimhde, a sheachaint?

[10]Thugas-sa agus mo ghaolta agus mo sheirbhísigh iasacht airgid agus arbhair dóibh chomh maith. Ach maithimis na fiacha sin.

[11]Tugaigí ar ais gan mhoill dóibh a dtailte agus a bhfíonghoirt, a luibhghoirt ológ agus a dtithe, agus maithigí [na fiacha] ar an airgead, ar an arbhar, ar an bhfíon agus ar an ola a thug sibh ar iasacht dóibh.”

[12]“Déanfaimid cúiteamh,” d'fhreagair siad, “ní éileoimid a thuilleadh orthu; déanfaimid rud ort.” Chuir mé fios ar na sagairt agus thug mé faoi deara dóibh mionn a thabhairt go ndéanfaidís beart de réir a mbriathar.

[13]Ansin chroith mé amach urlach m'fhallainge á rá: “Go ndéana Dia amhlaidh sin agus go gcroithe sé amach as a theach agus as a shealúchas, aon duine nach gcoimeádann an gheallúint seo; go gcroitear amach mar sin é agus go bhfagtar follamh é!” Agus d'fhreagair an comhthionól go léir “Amen” agus mhol

siad an Tiarna. Choimeád an pobal an gheallúint sin.

[14] Também desde o dia em que fui nomeado seu governador na terra de Judá, desde o vigésimo ano até ao trigésimo segundo ano do rei Artaxerxes, doze anos, nem eu nem meus irmãos comemos o pão devido ao governador.

[14]Agus thairis sin, ón lá a ceapadh mé mar ghobharnóir orthu i dtír Iúdá, ón bhfichiú bliain de réimeas Artaxarxaes go dtí an dara bliain déag ar fhichid, níor chaith mé féin ná mo ghaolta arán an ghobharnóra.

[15] Mas os primeiros governadores, que foram antes de mim, oprimiram o povo e lhe tomaram pão e vinho, além de quarenta siclos de prata; até os seus moços dominavam sobre o povo, porém eu assim não fiz, por causa do temor de Deus.

[15]Ach na gobharnóirí a ghabh romham, ba ualach iad ar an bpobal; dhéanaidís daichead seicil airgid a thobhach [mar bheatha lae], agus bíodh leatrom á dhéanamh ag a seirbhísigh ar an bpobal chomh maith. Ach ní dhearna mise a leithéid, mar go raibh eagla Dé orm.

[16] Antes, também na obra deste muro fiz reparação, e terra nenhuma compramos; e todos os meus moços se ajuntaram ali para a obra.

[16]Agus lean mé orm ag obair ar an mballa seo leis i rith an ama, cé nach raibh aon talamh agam; bhí mo shearbhóntaí go léir freisin páirteach san obair.

[17] Também cento e cinqüenta homens dos judeus e dos magistrados e os que vinham a nós, dentre as gentes que estavam ao nosso redor, eram meus hóspedes.

[17]Shuíodh leathchéad fear ag mo bhord, Giúdaigh (agus ceannairí), gan trácht orthu siúd a thagadh chugainn ó na ciníocha máguaird.

[18] O que se preparava para cada dia era um boi e seis ovelhas escolhidas; também à minha custa eram preparadas aves e, de dez em dez dias, muito vinho de todas as espécies; nem por isso exigi o pão devido ao governador, porquanto a servidão deste povo era grande.

[18]Dheantaí damh, sé cinn de chaoirigh breátha, agus éanlaith, a réiteach don bhord ar mo chostas féin gach lá; agus thugtaí deich seithe mar raidhse fíona chugam gach lá. Ach mar sin féin níor éiligh mé riamh costas beatha an ghobharnóra mar go raibh go leor ualaigh le hiompar cheana féin ag an bpobal seo.

[19] Lembra-te de mim para meu bem, ó meu Deus, e de tudo quanto fiz a este povo.

[19]Cuimhnigh, a Dhia, ar mhaithe liom, ar a bhfuil déanta agam ar son an phobail seo.

Neemias 6

Nihimiá 6

Os inimigos conspiram para intimidar Neemias

[1] Tendo ouvido Sambalate, Tobias, Gesém, o arábio, e o resto dos nossos inimigos que eu tinha edificado o muro e que nele já não havia brecha nenhuma, ainda que até este tempo não tinha posto as portas nos portais,

[2] Sambalate e Gesém mandaram dizer-me: Vem, encontremo-nos, nas aldeias, no vale de Ono. Porém intentavam fazer-me mal.

[3] Enviei-lhes mensageiros a dizer: Estou fazendo grande obra, de modo que não poderei descer; por que cessaria a obra, enquanto eu a deixasse e fosse ter convosco?

[4] Quatro vezes me enviaram o mesmo pedido; eu, porém, lhes dei sempre a mesma resposta.

[5] Então, Sambalate me enviou pela quinta vez o seu moço, o qual trazia na mão uma carta aberta,

[6] do teor seguinte: Entre as gentes se ouviu, e Gesém diz que tu e os judeus intentais revoltar-vos; por isso, reedificas o muro, e, segundo se diz, queres ser o rei deles,

[7] e puseste profetas para falarem a teu respeito em Jerusalém, dizendo: Este é rei em Judá. Ora, o rei ouvirá isso, segundo essas palavras. Vem, pois, agora, e consultemos juntamente.

[8] Mandei dizer-lhe: De tudo o que dizes coisa nenhuma sucedeu; tu, do teu coração, é que o inventas.

Críoch leis an mBalla

[1]Nuair a chuala Sanballat, Tóibíá agus Geisim an tArabach agus ár naimhde eile go raibh an balla atógtha agam, gan bearna fágtha ann - cé nach raibh na comhlaí curtha agam ar na geataí fós -

[2]chuir Sanballat agus Geisim teachtaireacht chugam: “Tar agus buail linn i gceann de na bailte i nGleann Ónó.” Bhí urchóid éigin beartaithe acu dom.

[3]Chuir mé teachtairí chucu dá bhrí sin á rá: “Tá beartas mór ar bun agam agus dá bhrí sin ní féidir dom dul síos. Stadfadh an obair dá bhfágfainn ann í agus dul síos chugaibh.”

[4]Chuir siad fios orm ceithre huaire ar an tslí sin, agus thug mé an freagra céanna orthu.

[5]Chuir Sanballat, ar an intinn chéanna, a sheirbhíseach chugam den chúigiú huair le litir oscailte.

[6]Seo mar a bhí scríofa inti: “Tá sé ina scéal reatha i measc na gciníocha, de réir mar a deir Geisim, go bhfuil ceannairc á beartú agatsa agus ag na Giúdaigh, agus gur chuige sin atá tú ag tógáil an bhalla, agus go bhfuil tú féin le bheith i do rí;

[7]gur thug tú treoracha d'fháithe a fhógairt ar mhaithe leat in Iarúsailéim: ‘Tá rí ag Iúdá.’ Cloisfidh an rí na ráflaí seo go luath i dtreo go mb'fhearr duit teacht, más ea, agus cúrsaí a phlé linn.”

[8]Chuir mé freagra ar ais chuige ar an méid sin: “Maidir lena bhfuil ráite agat, níor

[9] Porque todos eles procuravam atemorizar-nos, dizendo: As suas mãos largarão a obra, e não se efetuará. Agora, pois, ó Deus, fortalece as minhas mãos.

[10] Tendo eu ido à casa de Semaías, filho de Delaías, filho de Meetabel (que estava encerrado), disse ele: Vamos juntamente à Casa de Deus, ao meio do templo, e fechemos as portas do templo; porque virão matar-te; aliás, de noite virão matar-te.

[11] Porém eu disse: homem como eu fugiria? E quem há, como eu, que entre no templo para que viva? De maneira nenhuma entrarei.

[12] Então, percebi que não era Deus quem o enviara; tal profecia falou ele contra mim, porque Tobias e Sambalate o subornaram.

[13] Para isto o subornaram, para me atemorizar, e para que eu, assim, viesse a proceder e a pecar, para que tivessem motivo de me infamar e me vituperassem.

[14] Lembra-te, meu Deus, de Tobias e de Sambalate, no tocante a estas suas obras, e também da profetisa Noadia e dos mais profetas que procuraram atemorizar-me.

Terminada a reconstrução do muro

[15] Acabou-se, pois, o muro aos vinte e cinco dias do mês de elul, em cinqüenta e dois dias.

tharla aon ní dá leithéid; cumadóireacht as barr do chinn féin é go léir."

[9]Óir bhíodar ag iarraidh eagla a chur orainn; dúirt siad leo féin: "Tuirseoidh a lámha ón obair, agus ní chuirfear críoch go brách léi." Ach idir an dá linn bhí neart breise [á chur] i mo lámha agam.

[10]Thug mé cuaird ar Sheamaiá mac Dhaláiá mac Mhahaetabael mar go raibh cosc air teacht chugam. Dúirt sé: "Buailimis le chéile i dTeampall Dé, i ndiamhra an tsanctóra; Dúnaimis doirse an tsanctóra, Óir tá siad ag teacht ar tí do mharaithe, Tá siad ag teacht ar tí do mharaithe anocht."

[11]Ach d'fhreagair mé: "An dteithfeadh mo leithéidse? An rachadh fear de mo sheasamhsa isteach sa sanctoir lena anam a shabháil? Ní rachaidh mé!"

[12]Thuig mé agus chonaic mé nach amhlaidh a chuir Dia é le hé sin a rá, ach gur fhógair sé an t-oracal sin orm mar go raibh Tóibiá [agus Sanballat] á dhíol,

[13]le go ndéanfainn é sin le barr scanradh, agus go ndéanfainn peaca le go bhféadfaidís mo cháil a mhilleadh agus fonóid a dhéanamh fúm.

[14]Cuimhnigh, a Dhia, ar Thóibiá agus ar Shanballat de bharr a ndearna siad; agus ar Nóaidiá an banfháidh agus ar na fáithe eile a bhí ag iarraidh scanradh a chur orm.

[15]Bhí an balla réidh dá bhrí sin faoi cheann dhá lá déag agus daichead, ar an gcúigiú lá fichead d'Ealúl.

[16] Sucedeu que, ouvindo-o todos os nossos inimigos, temeram todos os gentios nossos circunvizinhos e decaíram muito no seu próprio conceito; porque reconheceram que por intervenção de nosso Deus é que fizemos esta obra.

[17] Também naqueles dias alguns nobres de Judá escreveram muitas cartas, que iam para Tobias, e cartas de Tobias vinham para eles.

[18] Pois muitos em Judá lhe eram ajuramentados porque era genro de Secanias, filho de Ará; e seu filho Joanã se casara com a filha de Mesulão, filho de Berequias.

[19] Também das suas boas ações falavam na minha presença, e as minhas palavras lhe levavam a ele; Tobias escrevia cartas para me atemorizar.

[16]Nuair a chuala ár naimhde ina thaobh, agus go bhfaca na ciníocha máguaird é, chuir sé alltacht orthu; bhí drochmheas acu ar ár naimhde agus d'admhaíodar gur le cabhair ár nDé a cuireadh an obair i gcrích.

[17]I rith an ama chéanna seo bhí a lán de mhaithe Iúdá ag cur litreacha go tiubh go Tóibiá, agus bhí litreacha óThóibiá ag teacht chucu;

[18]mar bhí mórán in Iarúsailéim faoi ghéillsine mionn dó mar ba chliamhain é do Sheacainiá mac Árach, agus bhí a mhac Iahóchánán pósta le hiníon Mhisiulám mac Bheiriceá.

[19]Bhídís fiú ag maíomh a dhea-ghníomhartha os mo chomhair féin, agus chuiridís tuairisc ar mo chuid cainte ar ais chuige. Agus lean Tóibiá air ag cur litreacha chugam le scanradh a chur orm.

Neemias 7

Neemias estabelece guardas em Jerusalém

[1] Ora, uma vez reedificado o muro e assentadas as portas, estabelecidos os porteiros, os cantores e os levitas,

[2] eu nomeei Hanani, meu irmão, e Hananias, maioral do castelo, sobre Jerusalém. Hananias era homem fiel e temente a Deus, mais do que muitos outros.

[3] E lhes disse: não se abram as portas de Jerusalém até que o sol aqueça e, enquanto os guardas ainda estão ali, que se fechem as portas e se tranquem;

Nihimiá 7

[1]Nuair a bhí an balla tógtha agus na comhlaí go léir ar a lúdracha agam, ceapadh gardaí i bhfeighil na ngeataí (seachas na cantairí agus na Léivítigh).

[2]Chuir mé riaradh Iarúsailéim faoi chúram mo dhearthár Hanáiní agus Hanainiá, ceannasaí an dúnfoirt, mar ba dhuine iontaofa é agus eagla Dé air thar mar is gnáth.

[3]Dúirt [mé] leo: “Ná osclaítear geataí Iarúsailéim nó go dtaga teas sa ghrian, agus dúntar agus daingnítear na doirse fad tá [sí fós ard]. Ceapaigí fir as áitritheoirí

ponham-se guardas dos moradores de Jerusalém, cada um no seu posto diante de sua casa.

[4] A cidade era espaçosa e grande, mas havia pouca gente nela, e as casas não estavam edificadas ainda.

A relação dos que voltaram a Jerusalém

Esdras 2.1-70

[5] Então, o meu Deus me pôs no coração que ajuntasse os nobres, os magistrados e o povo, para registrar as genealogias. Achei o livro da genealogia dos que subiram primeiro, e nele estava escrito:

[6] São estes os filhos da província que subiram do cativeiro, dentre os exilados, que Nabucodonosor, rei da Babilônia, levara para o exílio e que voltaram para Jerusalém e para Judá, cada um para a sua cidade,

[7] os quais vieram com Zorobabel, Jesua, Neemias, Azarias, Raamias, Naamani, Mordecai, Bilsã, Misperete, Bigvai, Neum e Baaná. Este é o número dos homens do povo de Israel:

[8] foram os filhos de Parós, dois mil cento e setenta e dois.

[9] Os filhos de Sefatias, trezentos e setenta e dois.

[10] Os filhos de Ará, seiscentos e cinqüenta e dois.

[11] Os filhos de Paate-Moabe, dos filhos de Jesua e de Joabe, dois mil oitocentos e dezoito.

Iarúsailéim le bheith ina lucht garda, cuid acu i láithreacha faire agus cuid eile acu os comhair a dtí féin.”

Daonra

[4]Ba mhór agus b'fhairsing í an chathair ach ba bheag é a líon daoine, gan aon tithe nua tógtha.

[5]Bhuail mo Dhia isteach i mo cheann ansin tionól a chur ar na huachtaráin, ar na feidhmeannaigh, agus ar an bpobal d'fhonn áireamh a dhéanamh ar na daoine de réir finí. D'aimsigh mé clár ginealach na muintire úd a d'fhill den chéad iarracht agus seo mar a fuair mé scríofa ann:

[6]Seo iad muintir an chúige a d'fhill ó bhraighdeanas agus ó dheoraíocht. Tar éis a ndíbeartha ag Nabúcadnazar rí na Bablóine, d'fhill siad ar ais go Iarúsailéim agus go Iúdá, gach duine chun a bhaile féin.

[7]D'fhill siad le Zarubáibil, Iéisiúa, Nihimiá, Azairiá, Ráimiá, Nachamánaí, Mordacaí, Bilseán, Mispirit, Bigví, Nahúm, Báná. Liosta na bhfear do phobal Iosrael:

[8]clann mhac Pharois, dhá mhíle céad seachtó a dó;

[9]clann mhac Sheafaitiá, trí chéad seachtó a dó;

[10]clann mhac Árach, sé chéad caoga a dó;

[11]clann mhac Phachat Móáb, sé sin clann mhac Iéisiúa agus Ioáb, dhá mhíle ocht gcéad agus a hocht déag;

[12] Os filhos de Elão, mil duzentos e cinqüenta e quatro.
[13] Os filhos de Zatu, oitocentos e quarenta e cinco.
[14] Os filhos de Zacai, setecentos e sessenta.
[15] Os filhos de Binui, seiscentos e quarenta e oito.
[16] Os filhos de Bebai, seiscentos e vinte e oito.
[17] Os filhos de Azgade, dois mil trezentos e vinte e dois.
[18] Os filhos de Adonicão, seiscentos e sessenta e sete.
[19] Os filhos de Bigvai, dois mil e sessenta e sete.
[20] Os filhos de Adim, seiscentos e cinqüenta e cinco.
[21] Os filhos de Ater, da família de Ezequias, noventa e oito.
[22] Os filhos de Hasum, trezentos e vinte e oito.
[23] Os filhos de Besai, trezentos e vinte e quatro.
[24] Os filhos de Harife, cento e doze.
[25] Os filhos de Gibeão, noventa e cinco.
[26] Os homens de Belém e de Netofa, cento e oitenta e oito.
[27] Os homens de Anatote, cento e vinte e oito.
[28] Os homens de Bete-Azmavete, quarenta e dois.
[29] Os homens de Quiriate-Jearim, Cefira e Beerote, setecentos e quarenta e três.

[12]clann mhac Éalám, míle dhá chéad caoga a ceathair;
[13]clann mhac Zatú, ocht gcéad agus daichead a cúig;
[14]clann mhac Zacái, seacht gcéad agus a seasca;
[15]clann mhac Bhionúi, sé chéad agus daichead a hocht;
[16]clann mhac Bhaebái, sé chéad fiche a hocht;
[17]clann mhac Azgád, dhá mhíle trí chéad fiche a dó;
[18]clann mhac Adoiniceám, sé chéad seasca a seacht;
[19]clann mhac Bhigví, dhá mhíle seasca a seacht;
[20]clann mhac Áidín, sé chéad caoga a cúig;
[21]clann mhac Átaer, Hiziciá is é sin, nócha a hocht;
[22]clann mhac Háisium, trí chéad fiche a hocht;
[23]clann mhac Bhaezái, trí chéad fiche a ceathair;
[24]clann mhac Háirif, céad agus a dó dhéag;
[25]fir Ghibeón, cúigear agus nócha;
[26]fir Bheithile agus Natofá, céad agus a hochtó cúig;
[27]fir Anatót, céad fiche a hocht;
[28]fir Bhéit Azmávat, daichead a dó;
[29]fir Chiriat Iáraím, Chipíreá agus Bhaerót, seacht gcéad daichead a trí;

[30] Os homens de Ramá e Geba, seiscentos e vinte e um.
[31] Os homens de Micmás, cento e vinte e dois.
[32] Os homens de Betel e Ai, cento e vinte e três.
[33] Os homens do outro Nebo, cinqüenta e dois.
[34] Os filhos do outro Elão, mil duzentos e cinqüenta e quatro.
[35] Os filhos de Harim, trezentos e vinte.
[36] Os filhos de Jericó, trezentos e quarenta e cinco.
[37] Os filhos de Lode, Hadide e Ono, setecentos e vinte e um.
[38] Os filhos de Senaá, três mil novecentos e trinta.
[39] Os sacerdotes: os filhos de Jedaías, da casa de Jesua, novecentos e setenta e três.
[40] Os filhos de Imer, mil e cinqüenta e dois.
[41] Os filhos de Pasur, mil duzentos e quarenta e sete.
[42] Os filhos de Harim, mil e dezessete.
[43] Os levitas: os filhos de Jesua, de Cadmiel, dos filhos de Hodeva, setenta e quatro.
[44] Os cantores: os filhos de Asafe, cento e quarenta e oito.
[45] Os porteiros: os filhos de Salum, os filhos de Ater, os filhos de Talmom, os filhos de Acube, os filhos de Hatita, os filhos de Sobai, cento e trinta e oito.

[30]fir Rámá agus Gheaba, sé chéad fiche a haon;
[31]fir Mhicmeás, céad fiche a dó;
[32]fir Bhéitéil agus Háí, céad fiche a trí;
[33]fir Neabó, caoga a dó;
[34]clann Éalám eile, míle dhá chéad caoga a ceathair;
[35]clann mhac Háirím, trí chéad agus a fiche;
[36]fir Ireachó, trí chéad daichead a cúig;
[37]fir Lod, Háidíd agus Ónó, seacht gcéad fiche a haon;
[38]clann mhac Shaná, trí mhíle naoi gcéad agus a tríocha.
[39]Na sagairt: clann mhac Iadaiá, teaghlach Iéisiúa is é sin, naoi gcéad seachtó a trí;
[40]clann mhac Iméir, míle caoga a dó;
[41]clann mhac Phaischiúr, míle dhá chéad daichead a seacht;
[42]clann mhac Háirim, míle agus a seacht déag.
[43]Na Léivítigh: clann mhac Iéisiúa, Chaidmíéil, Bhionúi agus Hoidiá, seachtó a ceathair.
[44]Na cantairí: clann mhac Ásáf, céad daichead a hocht.
[45]Lucht faire na ngeataí: clann mhac Shealúm, clann mhac Átaer, clann mhac Thalmon, clann mhac Acúb, clann mhac Haitíteá, clann mhac Sheobái, céad tríocha a hocht.

[46] Os servidores do templo: os filhos de Zia, os filhos de Hasufa, os filhos de Tabaote,
[47] os filhos de Queros, os filhos de Sia, os filhos de Padom,
[48] os filhos de Lebana, os filhos de Hagaba, os filhos de Salmai,
[49] os filhos de Hanã, os filhos de Gidel, os filhos de Gaar,
[50] os filhos de Reaías, os filhos de Rezim, os filhos de Necoda,
[51] os filhos de Gazão, os filhos de Uzá, os filhos de Paséia,
[52] os filhos de Besai, os filhos de Meunim, os filhos de Nefusesim,
[53] os filhos de Baquebuque, os filhos de Hacufa, os filhos de Harur,
[54] os filhos de Bazlite, os filhos de Meída, os filhos de Harsa,
[55] os filhos de Barcos, os filhos de Sísera, os filhos de Tama,
[56] os filhos de Nesias e os filhos de Hatifa.
[57] Os filhos dos servos de Salomão: os filhos de Sotai, os filhos de Soferete, os filhos de Perida,
[58] os filhos de Jaala, os filhos de Darcom, os filhos de Gidel,
[59] os filhos de Sefatias, os filhos de Hatil, os filhos de Poquerete-Hazebaim e os filhos de Amom.
[60] Todos os servidores do templo e os filhos dos servos de Salomão, trezentos e noventa e dois.

[46]Na tíolacthaigh: clann mhac Zícheá, clann mhac Hasúpá, clann mhac Thabáót,
[47]clann mhac Chéaros, clann mhac Shuíahá, clann mhac Phádón,
[48]clann mhac Labáná, clann mhac Hagábá, clann mhac Shealmaí,
[49]clann mhac Hanán, clann mhac Ghidéil, clann mhac Ghachar,
[50]clann mhac Ráiá, clann mhac Reizín, clann mhac Nacódá,
[51]clann mhac Ghazám, clann mhac Uzá, clann mhac Phásaech,
[52]clann mhac Bhaesai, clann mhac Mheúiním, clann mhac Nifísím,
[53]clann mhac Bhacbúc, clann mhac Hacúfá, clann mhac Harchúr,
[54]clann mhac Bhazlút, clann mhac Mhicídeá, clann mhac Harsá,
[55]clann mhac Bharcós, clann mhac Shíseará, clann mhac Theamach,
[56]clann mhac Níziach, clann mhac Haitífeá.
[57]Clann mhac dhaoir Sholaimh: clann mhac Shotai, clann mhac Shoifeirit, clann mhac Pharúdá,
[58]clann mhac Iálá, clann mhac Dharcón, clann mhac Ghidéil,
[59]clann mhac Sheafaitiá, clann mhac Haitíl, clann mhac Phoiceirit-haz-Zabáím, clann mhac Amón.
[60]Líon iomlán na dtíolacthach agus clann mhac dhaoir Sholaimh: trí chéad nócha a dó.

[61] Os seguintes subiram de Tel-Melá, Tel-Harsa, Querube, Adom e Imer, porém não puderam provar que as suas famílias e a sua linhagem eram de Israel:
[62] os filhos de Delaías, os filhos de Tobias, os filhos de Necoda, seiscentos e quarenta e dois.
[63] Dos sacerdotes: os filhos de Habaías, os filhos de Coz, os filhos de Barzilai, o qual se casou com uma das filhas de Barzilai, o gileadita, e que foi chamado pelo nome dele.

[64] Estes procuraram o seu registro nos livros genealógicos, porém o não acharam; pelo que foram tidos por imundos para o sacerdócio.

[65] O governador lhes disse que não comessem das coisas sagradas, até que se levantasse um sacerdote com Urim e Tumim.
[66] Toda esta congregação junta foi de quarenta e dois mil trezentos e sessenta,

[67] afora os seus servos e as suas servas, que foram sete mil trezentos e trinta e sete; e tinham duzentos e quarenta e cinco cantores e cantoras.

[68] Os seus cavalos, setecentos e trinta e seis; os seus mulos, duzentos e quarenta e cinco.

[69] Camelos, quatrocentos e trinta e cinco; jumentos, seis mil setecentos e vinte.

[61]Tháinig an mhuintir seo leanas ó Théil Mealach, Téil Harsá, Carúb, Adón, Iméir - ach níorbh fhéidir dóibh a chruthú gur de bhunús Iosraelach a bhfiní ná a sinsir:
[62]clann mhac Dhaláiá, clann mhac Thóibiá, clann mhac Nacódá - sé chéad daichead a dó.

[63]Ar chlann na sagart: clann mhac Habaiá, clann mhac Hacóz, clann mhac Bhairzilí - fear a phós ceann d'iníonacha Bhairzilí an Gileádach agus a ghlac a ainm.

[64]Rinne an mhuintir sin cuardach i gcláracha a gcraobh sinseartha, ach ní bhfuair siad lua orthu féin iontu i dtreo gur coimeádadh amach as an tsagartacht iad amhail is dá mba neamhghlan dóibh.
[65]Dúirt an gobharnóir leo gan na bianna coisricthe a chaitheamh nó go bhfaighfí sagart a rachadh i gcomhairle leis na hÚirím agus na Tuimím.
[66]Ba é líon an chomhthionóil go léir ná daichead dó míle trí chéad agus a seasca,
[67]seachas a ndaoir agus a ndaoirseacha, seacht míle trí chéad tríocha a seacht díobh ar fad; bhí dhá chéad daichead a cúig cantairí idir fhir agus mhná acu freisin.

[68]Bhí [seacht gcéad tríocha a sé chapall acu, agus dhá chéad daichead a cúig miúil,] bceithre chéad tríocha a cúig

camaill, sé mhíle seacht gcéad agus a fiche asal.

Contribuições para o templo

[70] Alguns dos cabeças das famílias contribuíram para a obra. O governador deu para o tesouro, em ouro, mil daricos, cinqüenta bacias e quinhentas e trinta vestes sacerdotais.

[71] E alguns mais dos cabeças das famílias deram para o tesouro da obra, em ouro, vinte mil daricos e, em prata, dois mil e duzentos arráteis.

[72] O que deu o restante do povo foi, em ouro, vinte mil daricos, e dois mil arráteis em prata, e sessenta e sete vestes sacerdotais.

[73] Os sacerdotes, os levitas, os porteiros, os cantores, alguns do povo, os servidores do templo e todo o Israel habitavam nas suas cidades.

[69] Thug cinn finí áirithe ofrálacha deonacha don tógáil. Thug a n gobharnóir míle drachma óir, leathchéad babhla, tríocha éide sagairt, agus cúig céad [míoná airgid] don chiste.

[70] Agus thug cinn finí fiche míle drachma óir agus dhá mhíle míoná airgid don chiste tógála.

[71] Sé an t-iomlán a thug an chuid eile den phobal ná fiche míle drachma óir, dhá mhíle míoná agus seasca a seacht éide sagairt.

[72] Chuir na sagairt, na Léivítigh, agus cuid den phobal fúthu in Iarúsailéim, agus gardaí na ngeataí, na cantairí, na tíolacthaigh agus na hIosraelaigh eile ina mbailte féin.

Neemias 8

Esdras lê a Lei diante do povo

[1] Em chegando o sétimo mês, e estando os filhos de Israel nas suas cidades, todo o povo se ajuntou como um só homem, na praça, diante da Porta das Águas; e disseram a Esdras, o escriba, que trouxesse o Livro da Lei de Moisés, que o SENHOR tinha prescrito a Israel.

[2] Esdras, o sacerdote, trouxe a Lei perante a congregação, tanto de homens como de mulheres e de todos os que eram capazes de entender o que ouviam. Era o primeiro dia do sétimo mês.

Nihimiá 8

Léann Eazrá an Dlí

[1]Nuair a tháinig an seachtú mí agus go raibh clann mhac Iosrael ina mbailte féin, b chruinnigh an pobal mar aon duine amháin sa chearnóg os comhair Gheata an Uisce amach. D'iarr siad ar Eazrá an scríobhaí leabhar dhlí Mhaois a d'aithin an Tiarna d'Iosrael a thabhairt amach.

[2]Thug Eazrá an sagart leabhar an dlí amach go dtí an comhthionól d'fhir agus de mhná agus de dhaoine óga a d'fhéadfadh é a thuiscint. An chéad lá den seachtú mí a bhí ann.

[3] E leu no livro, diante da praça, que está fronteira à Porta das Águas, desde a alva até ao meio-dia, perante homens e mulheres e os que podiam entender; e todo o povo tinha os ouvidos atentos ao Livro da Lei.

[3]Agus ansin sa chearnóg os comhair Gheata an Uisce léigh sé giotaí as i láthair na bhfear agus na ndaoine óga a d'fhéadfadh é a thuiscint ó mhaidin go dtí meán lae. D'éist na daoine go léir go haireach le leabhar an dlí.

[4] Esdras, o escriba, estava num púlpito de madeira, que fizeram para aquele fim; estavam em pé junto a ele, à sua direita, Matitias, Sema, Anaías, Urias, Hilquias e Maaséias; e à sua esquerda, Pedaías, Misael, Malquias, Hasum, Hasbadana, Zacarias e Mesulão.

[4]Agus bhí Eazrá an scríobhaí ina sheasamh ar ardán adhmaid a tógadh le haghaidh na hócáide. Taobh leis, ar a dheis, sheas Maitítiá, Seama, Anáiá, Úiríá, Hilcíá agus Másaeiá; agus ar a chlé Padáiá, Míseáéil, Mailcíveá, Háisium, Haisbeadáná, Zacairiá agus Misiulám.

[5] Esdras abriu o livro à vista de todo o povo, porque estava acima dele; abrindo-o ele, todo o povo se pôs em pé.

[5]Agus d'oscail Eazrá an leabhar i radharc an phobail uile mar bhí sé in airde os a gcionn go léir. Agus nuair a d'oscail sé é, d'éirigh an pobal go léir ina seasamh.

[6] Esdras bendisse ao SENHOR, o grande Deus; e todo o povo respondeu: Amém! Amém! E, levantando as mãos; inclinaram-se e adoraram o SENHOR, com o rosto em terra.

[6]Ansin thug Eazrá moladh don Tiarna, Dia mór, agus d'ardaigh an pobal go léir a lámha agus d'fhreagair siad: “Amen! Amen!” agus chrom siad síos agus shléacht siad go talamh roimh an Tiarna.

[7] E Jesua, Bani, Serebias, Jamim, Acube, Sabetai, Hodias, Maaséias, Quelita, Azarias, Jozabade, Hanã, Pelaías e os levitas ensinavam o povo na Lei; e o povo estava no seu lugar.

[7]Iéisiúa, Báiní, Séiribiá, Iáimín, Acún, Seabataí, Hóidiá, Másaeiá, Cilíteá, Azairiá, Iózábád, Hánán, Paláiá - Léivítigh ab ea iadsan - mhínigh siad an dlí don phobal, agus d'fhan an pobal go léir ina seasamh.

[8] Leram no livro, na Lei de Deus, claramente, dando explicações, de maneira que entendessem o que se lia.

[8]Léigh Eazrá giotaí as leabhar an dlí, agus thug aistriú agus míniú orthu don phobal ionas go dtuigfidís a raibh á léamh.

[9] Neemias, que era o governador, e Esdras, sacerdote e escriba, e os levitas que ensinavam todo o povo lhe disseram: Este dia é consagrado ao SENHOR, vosso Deus, pelo que não pranteeis, nem choreis.

[9]Ansin dúirt (an gobharnóir, Nihimiá agus) Eazrá an sagart agus an scríobhaí (agus na Léivítigh a bhí ag teagasc an phobail) leis an bpobal go léir: “Lá atá coisricthe don Tiarna bhur nDia is ea an lá

Porque todo o povo chorava, ouvindo as palavras da Lei.

[10] Disse-lhes mais: ide, comei carnes gordas, tomai bebidas doces e enviai porções aos que não têm nada preparado para si; porque este dia é consagrado ao nosso SENHOR; portanto, não vos entristeçais, porque a alegria do SENHOR é a vossa força.

[11] Os levitas fizeram calar todo o povo, dizendo: Calai-vos, porque este dia é santo; e não estejais contristados.

[12] Então, todo o povo se foi a comer, a beber, a enviar porções e a regozijar-se grandemente, porque tinham entendido as palavras que lhes foram explicadas.

A Festa dos Tabernáculos

[13] No dia seguinte, ajuntaram-se a Esdras, o escriba, os cabeças das famílias de todo o povo, os sacerdotes e os levitas, e isto para atentarem nas palavras da Lei.

[14] Acharam escrito na Lei que o SENHOR ordenara por intermédio de Moisés que os filhos de Israel habitassem em cabanas, durante a festa do sétimo mês;

[15] que publicassem e fizessem passar pregão por todas as suas cidades e em Jerusalém, dizendo: Saí ao monte e trazei ramos de oliveiras, ramos de zambujeiros, ramos de murtas, ramos de palmeiras e ramos de árvores frondosas, para fazer cabanas, como está escrito.

[16] Saiu, pois, o povo, trouxeram os ramos e fizeram para si cabanas, cada um no seu terraço, e nos seus pátios, e nos átrios da

seo. Ná bígí ag caoineadh ná ag olagón.” Mar bhí an pobal go léir ag sileadh na ndeor nuair a chuala siad briathra an dlí.

[10]Ansin dúirt sé leo: “Imígí libh, ithigí an tsaill agus ólaigí fíon milis agus cuirigí cuid díobh chun an té nach bhfuil aon ní ullamh aige. Óir tá an lá seo coisricthe dár dTiarna. Ná bíodh brón oraibh óir is é áthas an Tiarna bhur neart.”

[11]Agus chiúnaigh na Léivítigh an pobal go léir á rá: “Bígí ar bhur suaimhneas; is lá coisricthe é seo; ná bíodh brón oraibh.”

[12]Agus d'imigh an pobal go léir leo a ithe agus a ól agus a thabhairt scaireanna uathu agus a dhéanamh gairdis toisc gur thuig siad brí na nithe a fógraíodh dóibh.

[13]An dara lá chruinnigh cinn fíní an phobail ar fad agus na sagairt agus na Léivítigh timpeall Eazrá an scríobhaí le staidéar a dhéanamh ar bhriathra an dlí.

[14]Agus fuair siad scríofa sa dlí a d'aithin an Tiarna trí Mhaois: “Tá clann Iosrael le maireachtáil i scáthláin le linn féile an tseachtú mí.”

[15]A luaithe a chuala siad é sin, [d'fhógair] siad ina gcathracha go léir agus in Iarúsailéim: “Téigí faoi na sléibhte agus tugaigí libh géaga de chrainn olóige, píne agus mirtil agus pailme agus de chrainn chraobhacha eile le scáthláin a dhéanamh mar atá scríofa sa leabhar.”

[16]Chuaigh an pobal amach agus thug leo iad agus rinne scáthláin dóibh féin, gach duine ar dhíon a thí féin, agus ina

Casa de Deus, e na praça da Porta das Águas, e na praça da Porta de Efraim.

[31]Ná téadh sé i muinín a thoirt; Tá breall air, níl aon tathag ann.

[32]Feofaidh a ghéaga roimh a n-am; Ní bheidh a chraobha glas.

[33] Sacudirá as suas uvas verdes, como a vide, e deixará cair a sua flor, como a oliveira;
[34] pois a companhia dos ímpios será estéril, e o fogo consumirá as tendas de suborno.
[35] Concebem a malícia e dão à luz a iniqüidade, pois o seu coração só prepara enganos.

Jó 16

Jó se queixa do trato de Deus

[1] Então, respondeu Jó:

[2] Tenho ouvido muitas coisas como estas; todos vós sois consoladores molestos.

[3] Porventura, não terão fim essas palavras de vento? Ou que é que te instiga para responderes assim?
[4] Eu também poderia falar como vós falais; se a vossa alma estivesse em lugar da minha, eu poderia dirigir-vos um montão de palavras e menear contra vós outros a minha cabeça;
[5] poderia fortalecer-vos com as minhas palavras, e a compaixão dos meus lábios abrandaria a vossa dor.
[6] Se eu falar, a minha dor não cessa; se me calar, qual é o meu alívio?
[7] Na verdade, as minhas forças estão exaustas; tu, ó Deus, destruíste a minha família toda.
[8] Testemunha disto é que já me tornaste encarquilhado, a minha magreza já se levanta contra mim e me acusa cara a cara.

[33]Ligfidh sé dá thorthaí titim agus gan iad abaí, dála na bhfíniúna, Agus caithfidh sé uaidh a bhláth dála na holóige:
[34]Óir níl an rath ar chuideachta na n-urchóideach, Agus loscfar bothanna na breibe le tine.
[35]Óir gineann siad mailís agus beireann siad an urchóid, Agus déanann a mbroinn an chalaois a réiteach.

Iób 16

Cóir agus Éagóir

[1]Ansin d'fhreagair Iób agus dúirt:
[2]Nach minic a chuala mé a leithéid sin go léir cheana! Nach ainnis an lucht sóláis sibh!
[3]An mbeidh deireadh le bladhgar briathar? Nó cad a ghoill ort gur fhreagair tú mé?

[4]D'fhéadfainnse freisin labhairt mar thusa, Dá mbeadh d'anamsa in áit m'anamasa. An ndéanfainn thú a chiapadh le focail? Nó mo cheann a chroitheadh ort?

[5]Thabharfainn misneach duit le briathra mo bhéil Agus ní dhiúltóinn sólás mo bheola.
[6]Dá labhróinn ní bheadh laincis ar mo dhoilíos; Dá scorfainn ní fhágfadh sé mé.

[7]Anois ghoin mo chara cumainn mé Agus ciapann mo chuideachta go léir mé.

[8]D'éirigh sé mar fhinné i mo choinne, Mar chúlghearrthóir, ag tabhairt fianaise i m'aghaidh.

[9] Na sua ira me despedaçou e tem animosidade contra mim; contra mim rangeu os dentes e, como meu adversário, aguça os olhos.

[9]Mhill a fhearg é, agus tugann sé fogha fúmsa; Tá a fhiacla á ndrannadh aige i m'aghaidh Agus tá mo naimhde ag stánadh orm.

[10] Homens abrem contra mim a boca, com desprezo me esbofeteiam, e contra mim todos se ajuntam.

[10]Tá a mbéal ar leathadh acu i mo choinne Agus bhuail siad mé sa leiceann go fonóideach; Tá rith an rása leo i m'aghaidh.

[11] Deus me entrega ao ímpio e nas mãos dos perversos me faz cair.

[11]Tá Dia do mo thabhairt suas don urchóideach, Agus do mo chaitheamh i lámha na gcoirpeach.

[12] Em paz eu vivia, porém ele me quebrantou; pegou-me pelo pescoço e me despedaçou; pôs-me por seu alvo.

[12]Bhí mé ar mo shuaimhneas nó gur bhris sé ó chéile mé. Rug sé ar mhuineál orm agus rinne smionagar díom. Rinne sé a sprioc díom.

[13] Cercam-me as suas flechas, atravessa-me os rins, e não me poupa, e o meu fel derrama na terra.

[13]Agus tá a urchair á gcaitheamh ar gach taobh díom. Goineann sé mé sna leasracha, gan trua gan taise; Tá mo dhomlas á dhoirteadh aige ar an talamh.

[14] Fere-me com ferimento sobre ferimento, arremete contra mim como um guerreiro.

[14]Briseann sé mé mant ar mhant, Agus tugann ruathar fúm mar a dhéanfadh laoch.

[15] Cosi sobre a minha pele o cilício e revolvi o meu orgulho no pó.

[15]D'fhuaigh mé éadach róin ar mo chraiceann Agus sádh mo cheann sa lathach.

[16] O meu rosto está todo afogueado de chorar, e sobre as minhas pálpebras está a sombra da morte,

[16]Tá mo cheannaithe craorag le neart goil, Agus tá gruaim mar ualach ar fhabhraí mo shúl.

[17] embora não haja violência nas minhas mãos, e seja pura a minha oração.

[17]Cé nach bhfuil an lámh láidir ag roinnt liom, Agus gur íon í mo phaidir.

[18] Ó terra, não cubras o meu sangue, e não haja lugar em que se oculte o meu clamor!

[18]Ná clúdaigh m'fhuil, a chré, Agus ná bíodh áit suaimhnis ag m'olagón.

[19] Já agora sabei que a minha testemunha está no céu, e, nas alturas, quem advoga a minha causa.

[19]Anois féin, féach, tá m'fhinné ar neamh, Agus tá mo chosantóir ansiúd thuas.

[20] Os meus amigos zombam de mim, mas os meus olhos se desfazem em lágrimas diante de Deus,

[21] para que ele mantenha o direito do homem contra o próprio Deus e o do filho do homem contra o seu próximo.

[22] Porque dentro de poucos anos eu seguirei o caminho de onde não tornarei.

[20]Sé mo ghlao chun Dé is abhcóide agam; Ritheann na deora ó mo shúile ina láthair.

[21]Déanann sé cás duine a thagairt i láthair Dé Mar a dhéanfadh mac an duine ar son a chomharsan.

[22]Óir tá blianta mo shaoil arna n-áireamh, Agus is gearr go ndéanfaidh mé imeacht gan teacht.

Jó 17

Jó nada mais espera desta vida

[1] O meu espírito se vai consumindo, os meus dias se vão apagando, e só tenho perante mim a sepultura.

[2] Estou, de fato, cercado de zombadores, e os meus olhos são obrigados a lhes contemplar a provocação.

[3] Dá-me, pois, um penhor; sê o meu fiador para contigo mesmo; quem mais haverá que se possa comprometer comigo?

[4] Porque ao seu coração encobriste o entendimento, pelo que não os exaltarás.

[5] Se alguém oferece os seus amigos como presa, os olhos de seus filhos desfalecerão.

[6] Mas a mim me pôs por provérbio dos povos; tornei-me como aquele em cujo rosto se cospe.

[7] Pelo que já se escureceram de mágoa os meus olhos, e já todos os meus membros são como a sombra;

[8] os retos pasmam disto, e o inocente se levanta contra o ímpio.

Íób 17

[1]Tá mo spiorad le scrios, Tá mo laethanta caite, An uaigh atá i ndan dom.

[2]Tá lucht fonóide i mo thimpeall, Agus is í a mailís taibhreamh na súl oscailte agam.

[3]Ceap, más ea, urra orm i do láthair; Cé rachaidh i mbannaí orm?

[4]Chuir tú an tuiscint i bhfolach óna gcroí, Uime sin ní ligfidh tú an bua leo.

[5]Dála an duine a thugann cuireadh chun bia dá chairde, Agus súile a chlainne gan preab iontu,

[6]Mar sin a rinne sé nath díom i measc na gciníocha; Níl ionam ach créatúr le seile a chaitheamh san aghaidh air.

[7]Tá mo shúile á gcaochadh le gruaim, Agus is geall le scáil mo ghéaga.

[8]Cuireann sé seo uafás ar dhaoine ionraice, Agus déanann an neamhurchóideach casaoid in aghaidh an éagóraigh.

[9] Contudo, o justo segue o seu caminho, e o puro de mãos cresce mais e mais em força.

[10] Mas tornai-vos, todos vós, e vinde cá; porque sábio nenhum acharei entre vós.

[11] Os meus dias passaram, e se malograram os meus propósitos, as aspirações do meu coração.

[12] Convertem-me a noite em dia, e a luz, dizem, está perto das trevas.

[13] Mas, se eu aguardo já a sepultura por minha casa; se nas trevas estendo a minha cama;

[14] se ao sepulcro eu clamo: tu és meu pai; e aos vermes: vós sois minha mãe e minha irmã,

[15] onde está, pois, a minha esperança? Sim, a minha esperança, quem a poderá ver?

[16] Ela descerá até às portas da morte, quando juntamente no pó teremos descanso.

Jó 18

Bildade descreve a sorte do perverso

[1] Então, respondeu Bildade, o suíta:

[2] Até quando andarás à caça de palavras? Considera bem, e, então, falaremos.

[3] Por que somos reputados por animais, e aos teus olhos passamos por curtos de inteligência?

[9]Cloíonn an fíréan lena bhealaí, Agus tagann breis nirt chun an té atá glan ó chroí.

[10]Ach, tagaigí arís, sibh go léir, agus tugaigí fúm! Agus ní bheidh saoi le fáil agam in bhur measc!

[11]Tá mo ré thart! Tá mo phleannanna sáraithe, Agus mianta uile mo chroí!

[12]Dá fhad í an oíche, a deir siad, tagann an lá; Tá an solas láimh linn chun an dorchadas a ruaigeadh.

[13]Níl súil agam ach le Seól mar bhaile, Agus bualadh fúm sa dorchadas.

[14]Tugaim athair ar an morgadh, Agus máthair agus deirfiúr ar an gcruimh.

[15]Cá bhfuil mo dhóchas, más ea, Agus cé d'fhéadfadh aon [aoibhneas] a fheiceáil i mo chomhair?

[16]An dtiocfaidh siad seo síos liom go Seól? Nó an sínfear iad síos in éineacht liom sa pholl?

Iób 18

Ní Cabhair Fearg

[1]Ansin d'fhreagair Bildead ó Shiúach agus dúirt:

[2]An gcuirfidh tú srian go deo le do theanga? An gcaithfimid éisteacht, agus gan labhairt go pras?

[3]Cén fáth nach bhfuil ach meas madra agat orainn, Agus gur cuma leat sinn nó [ainmhí éigiallda]

[4] Oh! Tu, que te despedaças na tua ira, será a terra abandonada por tua causa? Remover-se-ão as rochas do seu lugar?

[5] Na verdade, a luz do perverso se apagará, e para seu fogo não resplandecerá a faísca;

[6] a luz se escurecerá nas suas tendas, e a sua lâmpada sobre ele se apagará;

[7] os seus passos fortes se estreitarão, e a sua própria trama o derribará.

[8] Porque por seus próprios pés é lançado na rede e andará na boca de forje.

[9] A armadilha o apanhará pelo calcanhar, e o laço o prenderá.

[10] A corda está-lhe escondida na terra, e a armadilha, na vereda.

[11] Os assombros o espantarão de todos os lados e o perseguirão a cada passo.

[12] A calamidade virá faminta sobre ele, e a miséria estará alerta ao seu lado,

[13] a qual lhe devorará os membros do corpo; serão devorados pelo primogênito da morte.

[14] O perverso será arrancado da sua tenda, onde está confiado, e será levado ao rei dos terrores.

[15] Nenhum dos seus morará na sua tenda, espalhar-se-á enxofre sobre a sua habitação.

[16] Por baixo secarão as suas raízes, e murcharão por cima os seus ramos.

[4]A stollann é féin le barr feirge? An gcaithfear an tír a bhánú ar do shon Agus an charraig a chur as a leaba?

[5]Ní foláir, ambasa, solas an choirpigh a mhúchadh, Agus lasair a thine a dhul in éag.

[6]Lagófar an solas ina bhoth Agus múchfar an lampa os a chionn.

[7]Déanfar a choiscéimeanna daingne a chrapladh, Agus leagfaidh a chomhairle féin ar lár é.

[8]Óir tugann a chosa féin isteach sa líon é, Agus siúlann sé i measc na sás.

[9]Béarfaidh gaiste ar sháil air Agus greamóidh sé sa dol.

[10]Beidh súil ribe i bhfolach ina chomhair sa talamh, Agus gaiste roimhe ar an gcosán.

[11]Beidh scanradh air ó uafáis ina thimpeall, Agus iad á leanúint go dlúth ar a shála.

[12]Beidh an gorta aige mar [pháirtí] Agus an mí-ádh go dlúth lena thaobh.

[13]Déanfaidh galar a chraiceann a chnaí, Agus céadghin an bháis a ghéaga a chreimeadh.

[14]Scuabfar é óna bhoth mar ar bhraith sé slán sábháilte. Agus tabharfar é i láthair rí na n-uafás.

[15]Lonnóidh [Lilit] faoina dhíon, Agus scaipfear ruibh ar a ghabháltas.

[16]Seargfaidh a fhréamha laistíos, Agus feofaidh a chraobha lastuas.

[17] A sua memória desaparecerá da terra, e pelas praças não terá nome.

[18] Da luz o lançarão nas trevas e o afugentarão do mundo.

[19] Não terá filho nem posteridade entre o seu povo, nem sobrevivente algum ficará nas suas moradas.

[20] Do seu dia se espantarão os do Ocidente, e os do Oriente serão tomados de horror.

[21] Tais são, na verdade, as moradas do perverso, e este é o paradeiro do que não conhece a Deus.

[17]Rachaidh gach cuimhne air sa tír ar ceal, Agus ní mhairfidh a thásc ina dhúiche.

[18]Tiomáinfear é ó sholas go dorchadas, Agus ruaigfear as an saol é.

[19]Ní bheidh síol ná sliocht air i measc a chine, Ná comharba air ina áit chónaithe.

[20]Cuirfidh a chríoch uafás ar an domhan thiar, Agus scéin ar an domhan thoir.

[21]B'áit chónaithe choirpigh an áit seo go dearfa, Áitreabh duine nárbh eol dó Dia.

Jó 19

Jó, embora sofrendo, sabe que seu Redentor vive

[1] Então, respondeu Jó:

[2] Até quando afligireis a minha alma e me quebrantareis com palavras?

[3] Já dez vezes me vituperastes e não vos envergonhais de injuriar-me.

[4] Embora haja eu, na verdade, errado, comigo ficará o meu erro.

[5] Se quereis engrandecer-vos contra mim e me argüis pelo meu opróbrio,

[6] sabei agora que Deus é que me oprimiu e com a sua rede me cercou.

[7] Eis que clamo: violência! Mas não sou ouvido; grito: socorro! Porém não há justiça.

[8] O meu caminho ele fechou, e não posso passar; e nas minhas veredas pôs trevas.

Iób 19

Buaic an Chreidimh

[1]Ansin d'fhreagair Iób agus dúirt:

[2]An fada a bheidh sibh do mo chiapadh Agus do mo bhascadh le focail?

[3]Thug sibh tarcaisne dom deich n-uaire Agus mhaslaigh sibh mé go mínáireach.

[4]Fág go ndeachaigh mé amú, Nach bhfanann mo locht faram féin? [Labhair mé focail gan tairbhe, Ba trí dhearmad a labhair mé, agus le barr aineolais.]

[5]Má bhíonn sibh uaibhreach liom, Agus argóint i mo choinne a dhéanamh de mo náire,

[6]Bíodh a fhios agaibh gurb é Dia a chuir san éagóir mé, Agus a dhún a líon i mo thimpeall.

[7]Féach! glaoim in aghaidh an éigin, ach ní thugtar freagra orm. Iarraim cabhair, ach ní bhíonn ceart le fáil agam.

[8]Chuir sé bac ar mo bhóthar agus ní féidir dom gabháil thairis. Chuir sé an dorchadas ina bhrat ar mo chosán.

[9] Da minha honra me despojou e tirou-me da cabeça a coroa.
[10] Arruinou-me de todos os lados, e eu me vou; e arrancou-me a esperança, como a uma árvore.
[11] Inflamou contra mim a sua ira e me tem na conta de seu adversário.
[12] Juntas vieram as suas tropas, prepararam contra mim o seu caminho e se acamparam ao redor da minha tenda.
[13] Pôs longe de mim a meus irmãos, e os que me conhecem, como estranhos, se apartaram de mim.
[14] Os meus parentes me desampararam, e os meus conhecidos se esqueceram de mim.
[15] Os que se abrigam na minha casa e as minhas servas me têm por estranho, e vim a ser estrangeiro aos seus olhos.
[16] Chamo o meu criado, e ele não me responde; tenho de suplicar-lhe, eu mesmo.
[17] O meu hálito é intolerável à minha mulher, e pelo mau cheiro sou repugnante aos filhos de minha mãe.
[18] Até as crianças me desprezam, e, querendo eu levantar-me, zombam de mim.
[19] Todos os meus amigos íntimos me abominam, e até os que eu amava se tornaram contra mim.
[20] Os meus ossos se apegam à minha pele e à minha carne, e salvei-me só com a pele dos meus dentes.

[9]D'fhuadaigh sé mo ghlóir, Agus bhain an choróin de mo cheann.
[10]Rinne sé mé a bhascadh ó gach taobh, agus ghéill mé. Stoith sé mo dhóchas mar phlanda as an talamh.
[11]D'adhain sé a fhearg i m'aghaidh, Agus d'áirigh sé mé mar namhaid dó.
[12]Tháinig a fhorsaí i m'aghaidh in éineacht, Thug siad ruathar fúm, Agus chuir léigear ar mo bhoth.
[13]Thréig mo bhráithre mé, Agus scar mo lucht aitheantais liom ar fad.
[14]D'imigh mo ghaolta agus mo chairde cumainn chun siúil uaim, Agus rinne m'aíonna i mo theach dearmad orm.
[15]Is strainséar mé dar le mo bhanseirbhísigh; Níl ionam ach duine deoranta dar leo.
[16]Glaoim ar mo sheirbhíseach, ach freagra ní thugann sé; Ní foláir dom dul ag tathant air.
[17]Is bréan le mo bhean an anáil asam, Agus is gráin le mo bhráithre cíche mé.
[18]Tá drochmheas ag na leanaí féin orm; Nuair a thagaim i láthair labhraíonn siad i mo choinne.
[19]Is fuath le mo chairde cléibh mé, Agus an mhuintir dá dtug mé grá, d'iompaigh siad i m'aghaidh.
[20]Tá mo chuid feola ag lobhadh faoi mo chraiceann, Tá mo chnámha ag gobadh amach ar nós fiacal.

[21] Compadecei-vos de mim, amigos meus, compadecei-vos de mim, porque a mão de Deus me atingiu.

[22] Por que me perseguis como Deus me persegue e não cessais de devorar a minha carne?

[23] Quem me dera fossem agora escritas as minhas palavras! Quem me dera fossem gravadas em livro!

[24] Que, com pena de ferro e com chumbo, para sempre fossem esculpidas na rocha!

[25] Porque eu sei que o meu Redentor vive e por fim se levantará sobre a terra.

[26] Depois, revestido este meu corpo da minha pele, em minha carne verei a Deus.

[27] Vê-lo-ei por mim mesmo, os meus olhos o verão, e não outros; de saudade me desfalece o coração dentro de mim.

[28] Se disserdes: Como o perseguiremos? E: A causa deste mal se acha nele,

[29] temei, pois, a espada, porque tais acusações merecem o seu furor, para saberdes que há um juízo.

Jó 20

Zofar descreve as calamidades dos perversos

[1] Então, respondeu Zofar, o naamatita:

[2] Visto que os meus pensamentos me impõem resposta, eu me apresso.

[21]Bíodh trua agaibh dom, a chairde liom, bíodh trua agaibh dom, Óir threascair lámh Dé mé.

[22]Cad chuige a ndéanann sibh mé a chiapadh ar nós Dé? Nach bhfuil bhur sáith de m'fheoil ite agaibh?

[23]Mo mhairg nár scríobhadh síos mo bhriathra, Nár inscríobhadh iad ar scrolla,

[24]Nár greanadh iad, le peann iarainn agus le luaidhe, Ar charraig go brách.

[25]Is eol dom go maireann mo chosantóir beo, Agus go seasóidh seisean, an neach deireanach, an fód go daingean ar talamh.

[26]Dá bhfeicfinn é ar scaradh le mo chneas, Dá bhfaighinn radharc ar mo Dhia agus mé díchollaithe,

[27] - An té a d'fheicfinn, bheadh sé ar mo thaobh, An té a bhfeicfeadh mo shúile é, ní bheadh sé eascairdiúil liom. Tá mo leasracha á gcnaí!

[28]Sibhse a deir: “Cén chaoi a rachaimid sa tóir air? Cén leithscéal atá againn ina aghaidh?”

[29]Bíodh eagla oraibh féin anois roimh an gclaíomh, Mar adhanfar fraoch na feirge in aghaidh na hurchóide, Le go mbeadh a fhios agaibh go bhfuil breithiúnas ann dáiríre.

Iób 20

Níl aon Eisceachtaí

[1]Ansin d'fhreagair Zófar ó Namát agus dúirt:

[2]Tá fonn ar mo smaointe freagra a thabhairt ar an méid sin; Agus ní ionadh

mé a bheith do mo shuaitheadh go mífhoighneach;

[3] Eu ouvi a repreensão, que me envergonha, mas o meu espírito me obriga a responder segundo o meu entendimento.

[3]Is beag orm an teagasc a fuaireas, Ach thug spiorad as mo thuiscint freagra orm:

[4] Porventura, não sabes tu que desde todos os tempos, desde que o homem foi posto sobre a terra,

[4]Is eol [dom] seo ó na cianta, Ó cuireadh an duine ar talamh:

[5] o júbilo dos perversos é breve, e a alegria dos ímpios, momentânea?

[5]Gur gearr í caithréim an urchóidigh, Agus nach bhfuil ach gal soip i lúcháir an pheacaigh.

[6] Ainda que a sua presunção remonte aos céus, e a sua cabeça atinja as nuvens,

[6]Fág go mbeadh sé chomh hard leis an spéir Agus go sroichfeadh a cheann na néalta,

[7] como o seu próprio esterco, apodrecerá para sempre; e os que o conheceram dirão: Onde está?

[7]Rachaidh sé ar ceal go brách dála an chátha; Déarfaidh an mhuintir a chonaic é: “Cá bhfuil sé?”

[8] Voará como um sonho e não será achado, será afugentado como uma visão da noite.

[8]Baileoidh sé leis ar nós brionglóide agus ní bheidh fáil air. Imeoidh sé leis dála aisling oíche.

[9] Os olhos que o viram jamais o verão, e o seu lugar não o verá outra vez.

[9]An tsúil a chonaic é, ní luífidh sí air a thuilleadh, Agus ní bhfaighfear radharc air níos mó ina áit dhúchais.

[10] Os seus filhos procurarão aplacar aos pobres, e as suas mãos lhes restaurarão os seus bens.

[10]Beidh a mhic faoi leatrom le barr bochtanais, Agus déanfaidh a chlann a mhaoin a aisíoc.

[11] Ainda que os seus ossos estejam cheios do vigor da sua juventude, esse vigor se deitará com ele no pó.

[11]Tá lúth na hóige ag borradh ina chnámha, Ach luífidh sé leis sa chré

[12] Ainda que o mal lhe seja doce na boca, e ele o esconda debaixo da língua,

[12]Ba mhilis é blas na hurchóide ina bhéal, Agus chuir sé i bhfolach í faoina theanga.

[13] e o saboreie, e o não deixe; antes, o retenha no seu paladar,

[13]Níor mhian leis scaoileadh léi Ach moill a chur uirthi ina bhéal.

[14] contudo, a sua comida se transformará nas suas entranhas; fel de áspides será no seu interior.

[14]Ach téann athrú ar a chuid bia ina ghoile, Déanann nimh nathrach de ina bholg.

[15] Engoliu riquezas, mas vomitá-las-á; do seu ventre Deus as lançará.

[15]An mhaoin a shlog sé, ní foláir dó í a aiseag; Déanfaidh Dia iad a dhíbirt as a bholg.

[16] Veneno de áspides sorveu; língua de víbora o matará.

[16]Déanann sé nimh nathrach a dhiúl; Is í teanga na nathrach nimhe a mharóidh é.

[17] Não se deliciará com a vista dos ribeiros e dos rios transbordantes de mel e de leite.

[17]Ní fhéachfaidh sé ar aibhneacha ola, Ar shlaoda meala agus ime.

[18] Devolverá o fruto do seu trabalho e não o engolirá; do lucro de sua barganha não tirará prazer nenhum.

[18]Tá deireadh leis an aoibh ar a cheannaithe de bharr a shochair; Ní bheidh sásamh a thuilleadh aige as borradh a mhaoine.

[19] Oprimiu e desamparou os pobres, roubou casas que não edificou.

[19]Óir réab sé botháin na mbocht, Agus thóg seilbh ar theach duine eile in áit teach a thógáil dó féin.

[20] Por não haver limites à sua cobiça, não chegará a salvar as coisas por ele desejadas.

[20]Níorbh fhéidir saint a chroí a shásamh, Agus anois [ní shábhálfaidh a thoice é].

[21] Nada escapou à sua cobiça insaciável, pelo que a sua prosperidade não durará.

[21]Ní dheachaigh aon ní slán óna ampla, Agus anois ní bheidh a chonách buan.

[22] Na plenitude da sua abastança, ver-se-á angustiado; toda a força da miséria virá sobre ele.

[22]Luífidh an ghannchúis air agus flúirse ina thimpeall. Tiocfaidh gach sort anró sa mhullach air.

[23] Para encher a sua barriga, Deus mandará sobre ele o furor da sua ira, que, por alimento, mandará chover sobre ele.

[23](Nuair a líon sé a bholg...) Scaoilfidh Dia fraoch loiscneach a fheirge go léir air, Agus fearfaidh sé neascóidí ar a chorp.

[24] Se fugir das armas de ferro, o arco de bronze o traspassará.

[24]Má theitheann sé ón arm iarainn, Aimseoidh an bogha cré-umha go paiteanta é.

[25] Ele arranca das suas costas a flecha, e esta vem resplandecente do seu fel; e haverá assombro sobre ele.

[25]Tiocfaidh an crann amach trína dhroim, Agus an rinn trí mháilín a dhomlais. Tá stór uafas i ndán dó.

[26] Todas as calamidades serão reservadas contra os seus tesouros; fogo não assoprado o consumirá, fogo que se apascentará do que ficar na sua tenda.
[27] Os céus lhe manifestarão a sua iniqüidade; e a terra se levantará contra ele.
[28] As riquezas de sua casa serão transportadas; como água serão derramadas no dia da ira de Deus.
[29] Tal é, da parte de Deus, a sorte do homem perverso, tal a herança decretada por Deus.

[26]Agus tá an dorchadas go léir ar a thí. Tá tine gan bhoilg lena alpadh; Agus sloigfidh sí a bhfuil fágtha ina bhoth.

[27]Nochtfaidh na flaithis a urchóid, Agus éireoidh an talamh ina choinne.

[28]Scuabfaidh díle a theach ar shiúl, Mar thuile lá na feirge.

[29]Sin é cuid roinne an urchóidigh ó láimh Dé Agus oidhreacht a uaille ó Dhia.

Jó 21

Jó descreve a prosperidade dos perversos

[1] Respondeu, porém, Jó:

[2] Ouvi atentamente as minhas razões, e já isso me será a vossa consolação.

[3] Tolerai-me, e eu falarei; e, havendo eu falado, podereis zombar.

[4] Acaso, é do homem que eu me queixo? Não tenho motivo de me impacientar?

[5] Olhai para mim e pasmai; e ponde a mão sobre a boca;
[6] porque só de pensar nisso me perturbo, e um calafrio se apodera de toda a minha carne.
[7] Como é, pois, que vivem os perversos, envelhecem e ainda se tornam mais poderosos?

Iób 21

Ní mar sin Atá

[1]Ansin d'fhreagair Iób agus dúirt:
[2]Tugaigí cluas ghéar do mo ráite, Agus bíodh an méid seo mar shólás agaibh uaimse.
[3]Tugaigí cead cainte domsa chomh maith Agus nuair a bheidh deireadh ráite agam, ar aghaidh le bhur bhfonóid.
[4]An in aghaidh an duine atáimse ag gearán? Cén fáth nach mbeadh mífhoighne orm?
[5]Tugaigí aird orm, agus cuirfear déistean oraibh, Agus ní bheidh focal asaibh.

[6]Ní gá dom ach cuimhneamh agus tagann uafás orm, Agus bím ar ballchrith.

[7]Cén fáth gur buan iad na coirpigh Agus go méadaíonn a maoin le himeacht na mblianta?

8 Seus filhos se estabelecem na sua presença; e os seus descendentes, ante seus olhos.

9 As suas casas têm paz, sem temor, e a vara de Deus não os fustiga.

10 O seu touro gera e não falha, suas novilhas têm a cria e não abortam.

11 Deixam correr suas crianças, como a um rebanho, e seus filhos saltam de alegria;

12 cantam com tamboril e harpa e alegram-se ao som da flauta.

13 Passam eles os seus dias em prosperidade e em paz descem à sepultura.

14 E são estes os que disseram a Deus: Retira-te de nós! Não desejamos conhecer os teus caminhos.

15 Que é o Todo-Poderoso, para que nós o sirvamos? E que nos aproveitará que lhe façamos orações?

16 Vede, porém, que não provém deles a sua prosperidade; longe de mim o conselho dos perversos!

17 Quantas vezes sucede que se apaga a lâmpada dos perversos? Quantas vezes lhes sobrevém a destruição? Quantas vezes Deus na sua ira lhes reparte dores?

18 Quantas vezes são como a palha diante do vento e como a pragana arrebatada pelo remoinho?

8Cuirtear bun faoina gclann ina láthair, Agus faoina ngaolta agus faoina sliocht os comhair a súl.

9Tá a dtithe slán, gan eagla; Ní orthusan a bhagraíonn Dia a shlat.

10Doireann a dtarbh, agus bíonn an rath air, Beireann a mbó lao, agus ní marbhghamhain.

11Ligeann siad dá naíonáin súgradh mar na huain, Agus dá leanaí damhas [mar na fianna].

12Canann siad le ceol tiompáin agus cláirsí, Agus bíonn siad ag rangás le poirt na feadóige.

13Caitheann siad a ré faoi lúcháir, Agus téann siad síos go Seól faoi shíocháin.

14Ach is iadsan a deir le Dia: “Imigh uainn! Ní áil linn eolas a chur ar do bhealaí!

15Cad ab áil linn bheith ag fónamh don Uilechumhachtach, Agus cén tairbhe a bheidh againn má ghuímid chuige?”

16“Ní ar a láimh féin atá a gconách, Agus is fada ó Dhia comhairle na gcoirpeach”

17 - An minic a mhúchtar lampa na gcoirpeach? Nó a thagann an tubaiste sa mhullach orthu? An roinneann sé pianta ina racht feirge?

18An cuma iad nó diasa á séideadh ag an ngaoth, Nó cáith a scuabadh ag an stoirm?

[19] Deus, dizeis vós, guarda a iniqüidade do perverso para seus filhos. Mas é a ele que deveria Deus dar o pago, para que o sinta.

[19]Deir sibh: “Déanann Dia pionós an duine a chur i dtaisce dá chlann.” Déanadh sé díoltas air féin - d'fhonn go mbeadh a fhios aige!

[20] Seus próprios olhos devem ver a sua ruína, e ele, beber do furor do Todo-Poderoso.

[20]Go bhfeice a shúile féin a scrios, Agus go n-ola sé fearg an Uilechumhachtaigh!

[21] Porque depois de morto, cortado já o número dos seus meses, que interessa a ele a sua casa?

[21]Óir cén mhairg dó a theach ina dhiaidh, Nuair atá líon a mhíonna thart?

[22] Acaso, alguém ensinará ciência a Deus, a ele que julga os que estão nos céus?

[22]“Cé a d'fhéadfadh ceachta san eagna a thabhairt do Dhia, Agus gurb é a thugann breith ar na huachtaráin?”

[23] Um morre em pleno vigor, despreocupado e tranqüilo,

[23]Faigheann duine bás i mbarr a chumais, Agus é go sona sásta ar fad,

[24] com seus baldes cheios de leite e fresca a medula dos seus ossos.

[24]A cheathrúna ramhar méith, Agus smior a chnámh gan seascadh.

[25] Outro, ao contrário, morre na amargura do seu coração, não havendo provado do bem.

[25]Faigheann duine eile bás agus é searbh ó chroí, Gan aon aoibhneas riamh a bhlaiseadh.

[26] Juntamente jazem no pó, onde os vermes os cobrem.

[26]Luíonn siad le chéile sa chré, Agus brat cruimheanna orthu.

[27] Vede que conheço os vossos pensamentos e os injustos desígnios com que me tratais.

[27]Is maith is eol dom bhur smaointe Agus na bearta atá á dtaibhreamh daoibh i m'aghaidh,

[28] Porque direis: Onde está a casa do príncipe, e onde, a tenda em que morava o perverso?

[28]Óir deir sibh: “Cá bhfuil teach an fhlatha? Agus cá bhfuil an both inar lonnaigh an coirpeach?”

[29] Porventura, não tendes interrogado os que viajam? E não considerastes as suas declarações,

[29]Nár chuir sibh riamh ceist ar lucht taisteal na slí? Nó ar bhain sibh míchiall as séadchomharthaí?

[30] que o mau é poupado no dia da calamidade, é socorrido no dia do furor?

[30]“Déantar an coirpeach a shábháil i gcomhair lá an uafáis; Scuabtar ar shiúl é lá na feirge” -

31 Quem lhe lançará em rosto o seu proceder? Quem lhe dará o pago do que faz?

32 Finalmente, é levado à sepultura, e sobre o seu túmulo se faz vigilância.

33 Os torrões do vale lhe são leves, todos os homens o seguem, assim como não têm número os que foram adiante dele.

34 Como, pois, me consolais em vão? Das vossas respostas só resta falsidade.

Jó 22

Elifaz acusa a Jó de grandes pecados

1 Então, respondeu Elifaz, o temanita:

2 Porventura, será o homem de algum proveito a Deus? Antes, o sábio é só útil a si mesmo.

3 Ou tem o Todo-Poderoso interesse em que sejas justo ou algum lucro em que faças perfeitos os teus caminhos?

4 Ou te repreende pelo teu temor de Deus ou entra contra ti em juízo?

5 Porventura, não é grande a tua malícia, e sem termo, as tuas iniqüidades?

6 Porque sem causa tomaste penhores a teu irmão e aos seminus despojaste das suas roupas.

7 Não deste água a beber ao cansado e ao faminto retiveste o pão.

31Cé a chuirfidh a bhealaí ina leith aghaidh ar aghaidh, Cé a dhéanfaidh a bhearta a chúiteamh leis?

32Déantar é a iompar chun na huaighe, Agus cuirtear faire ar a leacht.

33Is milis leis fóda an ghleanna; Leanann an saol mór é ina shochraid (Agus gabhann slua gan áireamh roimhe amach).

34Cén chiall mar sin atá le bhur sólás baoth? Maidir le bhur bhfreagraí, níl fágtha iontu ach bréag!

Iób 22

Agallamh a Trí
Cúitíonn Dia

1Ansin d'fhreagair Eilífeaz ó Théamán agus dúirt:

2An féidir d'aon duine tairbhe a dhéanamh do Dhia Le go ndéanfadh an t-eagnaí tairbhe dó?

3An aon bhuntaiste é don Uilechumhachtach thú a bheith fíréanta? Nó an aon mhaith dó thú a bheith gan locht i do bhearta?

4An de bharr do dhúthrachta a chuireann sé pionós ort Agus a théann sé chun breithiúnais leat?

5Nach mór í d'urchóid, Agus nach bhfuil do choireanna gan teorainn?

6Bhítheá ag éileamh geall gan chúis ar do bhráithre, Agus ag sciobadh a gcuid éadaigh ón mbocht.

7Níor thug tú deoch uisce don tuirseach, Agus dhiúltaigh tú arán don ocrach.

[8] Ao braço forte pertencia a terra, e só os homens favorecidos habitavam nela.

[9] As viúvas despediste de mãos vazias, e os braços dos órfãos foram quebrados.

[10] Por isso, estás cercado de laços, e repentino pavor te conturba

[11] ou trevas, em que nada vês; e águas transbordantes te cobrem.

[12] Porventura, não está Deus nas alturas do céu? Olha para as estrelas mais altas. Que altura!

[13] E dizes: Que sabe Deus? Acaso, poderá ele julgar através de densa escuridão?

[14] Grossas nuvens o encobrem, de modo que não pode ver; ele passeia pela abóbada do céu.

[15] Queres seguir a rota antiga, que os homens iníquos pisaram?

[16] Estes foram arrebatados antes do tempo; o seu fundamento, uma torrente o arrasta.

[17] Diziam a Deus: Retira-te de nós. E: Que pode fazer-nos o Todo-Poderoso?

[18] Contudo, ele enchera de bens as suas casas. Longe de mim o conselho dos perversos!

[19] Os justos o vêem e se alegram, e o inocente escarnece deles,

[20] dizendo: Na verdade, os nossos adversários foram destruídos, e o fogo consumiu o resto deles.

[8]Ach is ag an tréan atá seilbh ar an talamh, Agus tá cónaí ar an gcumasach ann.

[9]Lig tú na baintreacha uait folamh Agus bhasc tú géaga na ndílleachtaí.

[10]Uime sin tá gaistí i do thimpeall Agus uafás tobann do do sceimhliú.

[11]Dorchaíodh do sholas agus dalladh thú, Agus tá an díle do do bhá.

[12]Nach bhfuil cónaí ar Dhia in uachtar neimhe [Ag féachaint anuas] ar na réaltaí is airde?

[13]Ach deir tú: “Cén t-eolas atá ag Dia? Agus an féidir leis breith a thabhairt tríd an dorchadas?

[14]Tá na néalta mar bhrat tiubh dó agus ní féidir leis feiceáil, Agus siúlann sé ar stua na speire.

[15]An gcloífidh tusa leis an seanchosán, A ghabh na hurchóidigh?

[16]Sciobadh iadsan ar shiúl in antráth, Agus scaoileadh abhainn thar a láithreacha boinn.

[17]Dúradar le Dia: “Imigh uainn!” Agus “Cad is féidir don Uilechumhachtach a dhéanamh linne?”

[18]Líonann sé a dtithe le hiolmhaitheasaí, Agus is cian uaidh comhairle na n-urchóideach.”

[19]Feiceann na fíréin an méid sin agus bíonn áthas orthu, Agus bíonn na neamhchiontaigh ag fonóid fúthu:

[20]“Scriosadh a [réim] go dearfa, Agus loscadh a gconách le tine!”

[21] Reconcilia-te, pois, com ele e tem paz, e assim te sobrevirá o bem.

[21]Déan réiteach le Dia agus bíodh síocháin agat Agus rachaidh sin go mór i dtairbhe duit.

[22] Aceita, peço-te, a instrução que profere e põe as suas palavras no teu coração.

[22]Cuir fáilte roimh bhriathra a bhéil, Agus taiscigh a theagasc i do chroí

[23] Se te converteres ao Todo-Poderoso, serás restabelecido; se afastares a injustiça da tua tenda

[23]Más áil leat filleadh ar an Uilechumhachtach agus tú a thógáil aníos, Díbir an urchóid ó do bhoth,

[24] e deitares ao pó o teu ouro e o ouro de Ofir entre pedras dos ribeiros,

[24]Agus caith an t-ór sa luaithreach, Agus ór Óifír ar ghrinneall na habhann;

[25] então, o Todo-Poderoso será o teu ouro e a tua prata escolhida.

[25]Ansin beidh an tUilechumhachtach agat mar ór, Nó mar airgead ina charnáin.

[26] Deleitar-te-ás, pois, no Todo-Poderoso e levantarás o rosto para Deus.

[26]Beidh an tUilechumhachtach agat mar ábhar lúcháire, Agus ardóidh tú do ghnúis chun Dé.

[27] Orarás a ele, e ele te ouvirá; e pagarás os teus votos.

[27]Guífidh tú chuige, agus éistfidh sé leat, Agus comhlíonfaidh tú do mhóide.

[28] Se projetas alguma coisa, ela te sairá bem, e a luz brilhará em teus caminhos.

[28]Má bheartaíonn tú cúrsa, rithfidh leat, Agus lonróidh solas ar do bhealaí.

[29] Se estes descem, então, dirás: Para cima! E Deus salvará o humilde

[29]Óir leagann sé ar lár lucht na mbriathar uallach, Agus slánaíonn sé lucht na súl uiríseal.

[30] e livrará até ao que não é inocente; sim, será libertado, graças à pureza de tuas mãos.

[30]Fuasclaíonn sé an neamhchiontach, Agus tiocfaidh [tusa] slán trí ghlaine do lámh.

Jó 23

Jó deseja apresentar-se perante Deus

[1] Respondeu, porém, Jó:

[2] Ainda hoje a minha queixa é de um revoltado, apesar de a minha mão reprimir o meu gemido.

[3] Ah! Se eu soubesse onde o poderia achar! Então, me chegaria ao seu tribunal.

[4] Exporia ante ele a minha causa, encheria a minha boca de argumentos.

Iób 23

Ag an Urchóideach atá an Bua

[1]Ansin d'fhreagair Iób agus dúirt sé:

[2]Is ceannairceach mo chasaoid fós inniu, Cé go bhfuil mo lámh ag luí ar m'osnaíl.

[3]Uch gan a fhios agam cá bhfaighinn é, Le go rachainn faoi bhráid a shuí breithimh.

[4]Chuirfinn mo chás in iúl os a chomhair Agus bheadh clab orm le hargóintí.

[5] Saberia as palavras que ele me respondesse e entenderia o que me dissesse.

[5]D'fhoghlaimeoinn gach focal cosanta a labhródh sé, Agus thuigfinn gach a ndéarfadh sé liom.

[6] Acaso, segundo a grandeza de seu poder, contenderia comigo? Não; antes, me atenderia.

[6]An rachadh sé chun aighnis liom le lán a chumais? Ní dhéanfadh! Níorbh fholáir dó éisteacht a thabhairt dom.

[7] Ali, o homem reto pleitearia com ele, e eu me livraria para sempre do meu juiz.

[7]Is duine ionraic a bheadh ag argóint leis Agus bhuafainn mo chás go dearfa.

[8] Eis que, se me adianto, ali não está; se torno para trás, não o percebo.

[8]Féach! Má ghabhaim soir, níl sé ann; Nó siar, ní bhfaighim radharc air.

[9] Se opera à esquerda, não o vejo; esconde-se à direita, e não o diviso.

[9]Má chuardaím thuaidh é, níl fáil air; Má chasaim ó dheas, ní fheicim é.

[10] Mas ele sabe o meu caminho; se ele me provasse, sairia eu como o ouro.

[10]Ach dá mbeadh eolas aige ar mo bhealaí, Dá ndéanfadh sé mé a phromhadh sa soitheach leá is mar ór a thiocfainn as.

[11] Os meus pés seguiram as suas pisadas; guardei o seu caminho e não me desviei dele.

[11]Lean mo chos go dlúth dá chéimeanna, Chloígh mé lena bhealach gan casadh i leataobh.

[12] Do mandamento de seus lábios nunca me apartei, escondi no meu íntimo as palavras da sua boca.

[12]Níor chlaon mé ó aithne a bheola, Agus thaiscigh mé briathra a bhéil.

[13] Mas, se ele resolveu alguma coisa, quem o pode dissuadir? O que ele deseja, isso fará.

[13]Ach tá a rogha déanta aige, agus cé a d'fhéadfadh é a chur ar mhalairt treo? Cibé ní a bheartaíonn sé ina chroí, cuirfidh sé i gcrích é.

[14] Pois ele cumprirá o que está ordenado a meu respeito e muitas coisas como estas ainda tem consigo.

[14]Comhlíonfaidh sé cibé rud a shocraigh sé dom, Dála a lán beartas eile atá socair aige.

[15] Por isso, me perturbo perante ele; e, quando o considero, temo-o.

[15]Uime sin, tá uafás orm ina láthair; Agus dá mhéid a mhachnaím, is ea is mó a bhíonn scanradh orm roimhe.

[16] Deus é quem me fez desmaiar o coração, e o Todo-Poderoso, quem me perturbou,

[16]Scaip Dia mo mhisneach, Agus chuir an tUilechumhachtach sceimhle orm.

[17] porque não estou desfalecido por causa das trevas, nem porque a escuridão cobre o meu rosto.

[17]Óir déanann an dorchadas mise a cheilt air, Agus cuireann an ghruaim brat idir é agus mé.

Jó 24

Jó contesta que os perversos muitas vezes não são castigados

Iób 24

[1] Por que o Todo-Poderoso não designa tempos de julgamento? E por que os que o conhecem não vêem tais dias?

[1]Cén fáth nach bhfuil a thaisce tráthanna féin ag an Uilechumhachtach? Agus cén fáth nach bhfeiceann lucht a aitheantais a laethanta?

[2] Há os que removem os limites, roubam os rebanhos e os apascentam.

[2]Tógann na [coirpigh] marcanna teorann chun siúil; Fuadaíonn siad idir chaoirigh agus [aoire].

[3] Levam do órfão o jumento, da viúva, tomam-lhe o boi.

[3]Tiomáineann siad asal an dílleachta chun siúil, Agus tógann siad damh na baintrí mar gheall.

[4] Desviam do caminho aos necessitados, e os pobres da terra todos têm de esconder-se.

[4]Seachnaíonn lucht déirce anois na bóithre móra, Agus téann bochta na tíre go léir i bhfolach.

[5] Como asnos monteses no deserto, saem estes para o seu mister, à procura de presa no campo aberto, como pão para eles e seus filhos.

[5]Imíonn siad amach faoin bhfásach ar nós na n-asal fiáin, Agus ocras a gclainne [á ngriogadh] Chun bia a lorg sna steipeanna loma.

[6] No campo segam o pasto do perverso e lhe rabiscam a vinha.

[6]Ní mór dóibh fómhar a bhaint i ngort duine eile, Agus na caora fáin a phiocadh i bhfíonghort an urchóidigh.

[7] Passam a noite nus por falta de roupa e não têm cobertas contra o frio.

[7]Caitheann siad an oíche tarrnocht, gan éadach, Gan brat lena gcosaint ón bhfuacht.

[8] Pelas chuvas das montanhas são molhados e, não tendo refúgio, abraçam-se com as rochas.

[8]Fliuchtar go craiceann iad ó fhearthainn na sléibhte, Agus le heaspa fothana, síneann siad le taobh carraige.

[9] Orfãozinhos são arrancados ao peito, e dos pobres se toma penhor;

[9]Baintear a dtalamh de leanaí gan athair, Agus tógtar [brat] an bhochtáin mar gheall.

[10] de modo que estes andam nus, sem roupa, e, famintos, arrastam os molhos.

[11] Entre os muros desses perversos espremem o azeite, pisam-lhes o lagar; contudo, padecem sede.

[12] Desde as cidades gemem os homens, e a alma dos feridos clama; e, contudo, Deus não tem isso por anormal.

[13] Os perversos são inimigos da luz, não conhecem os seus caminhos, nem permanecem nas suas veredas.

[14] De madrugada se levanta o homicida, mata ao pobre e ao necessitado, e de noite se torna ladrão.

[15] Aguardam o crepúsculo os olhos do adúltero; este diz consigo: Ninguém me reconhecerá; e cobre o rosto.

[16] Nas trevas minam as casas, de dia se conservam encerrados, nada querem com a luz.

[17] Pois a manhã para todos eles é como sombra de morte; mas os terrores da noite lhes são familiares.

[18] Vós dizeis: Os perversos são levados rapidamente na superfície das águas; maldita é a porção dos tais na terra; já não andam pelo caminho das vinhas.

[19] A secura e o calor desfazem as águas da neve; assim faz a sepultura aos que pecaram.

[20] A mãe se esquecerá deles, os vermes os comerão gostosamente; nunca mais

[10]Téann siad timpeall tarrnocht le heaspa éadaigh, Agus iompraíonn siad na punanna agus iad gan bhia.

[11]Caitheann siad brothall an mheán lae idir sraitheanna na bhfíniúna. Déanann siad na cantaoirí fíona a phasáilt agus tart orthu féin.

[12]Bíonn osnaíl na mbásachán le cloisteáil ón gcathair, Agus screadann an duine gonta ó chroí. Ach ní thugann Dia cluas [dá nglao].

[13]Is cuma iad nó naimhde an tsolais; Ní eol dóibh a bhealaí, Agus seachnaíonn siad a chosáin.

[14]Éiríonn an dunmharfóir roimh lá, Leis an mbocht agus an dealbh a mharú. Téann an gadaí timpeall san oíche,

[15]Bíonn an t-adhaltrach ag tnúth leis an gcamhaoir, Á rá: Ní bhfaighfear radharc orm, Agus cuireann sé brat thar a aghaidh.

[16]Agus briseann isteach i dtithe sa dorchadas. Sa lá téann siad i bhfolach; Ní eol dóibh siúd an solas.

[17]Dóibh go léir, sí an mhaidin an tráth is dorcha, Mar is eol dóibh a huafáis.

[18]Deir sibh: “Is tapa a scuabfaí ar shiúl iad ar dhromchla na n-uiscí; Bheadh mallacht ar a gcuid den talamh. Ní thabharfadh a bhfíonghort toradh uaidh cheal uisce.

[19]Scuabfadh uiscí an tsneachta a ngairdíní le fána. Dá scrúdódh Dia an peacach,

[20]Dhéanfadh an bhroinn a dhealbhaigh é dearmad air, Agus ní thabharfaí a ainm

haverá lembrança deles; como árvore será quebrado o injusto,

chun cuimhne a thuilleadh. Mar sin a bhascfaí an urchóid mar a dhéanfaí crann.”

[21] aquele que devora a estéril que não tem filhos e não faz o bem à viúva.

[21]Mhaslaigh sé an bhean aimrid nár iompair leanbh, Agus ní raibh sé cneasta leis an mbaintreach.

[22] Não! Pelo contrário, Deus por sua força prolonga os dias dos valentes; vêem-se eles de pé quando desesperavam da vida.

[22]Ach cuirtear fad le laethanta an tíoránaigh, Agus beireann sé bua le barr nirt, Nuair a chailleann sé a mhuinín ina bheatha,

[23] Ele lhes dá descanso, e nisso se estribam; os olhos de Deus estão nos caminhos deles.

[23]Tugtar dó socracht agus taca. Dá mbeadh [Dia] ag faire a mbealaí,

[24] São exaltados por breve tempo; depois, passam, colhidos como todos os mais; são cortados como as pontas das espigas.

[24]D'ardófaí iad ar feadh tamaillín, agus ansin theipfidís. Thitfidís ar lár, agus threigfidís ar nós na leamhaí buí, D'fheofaidís ar nós diasa arbhair.

[25] Se não é assim, quem me desmentirá e anulará as minhas razões?

[25]Muran mar sin atá, cé a chruthóidh gur thugas m'éitheach, Nó cé a thaispeánfaidh nach fíor iad mo ráite?

Jó 25

Bildade nega que o homem possa justificar-se diante de Deus

[1] Então, respondeu Bildade, o suíta:

[2] A Deus pertence o domínio e o poder; ele faz reinar a paz nas alturas celestes.

[3] Acaso, têm número os seus exércitos? E sobre quem não se levanta a sua luz?

[4] Como, pois, seria justo o homem perante Deus, e como seria puro aquele que nasce de mulher?

[5] Eis que até a lua não tem brilho, e as estrelas não são puras aos olhos dele.

Iób 25

Dia Uilechumhachtach

[1]Ansin d'fhreagair Bildead ó Shiúach agus dúirt:

[2]Cad é tiarnas agus urraim atá ag dul do [Dhia]! Cuireann sé an tsíocháin i réim sna harda.

[3]An bhfuil áireamh ar líon a shluaite, Ar tháinig aon duine slán óna [luíocháin]?

[4]Arbh fhéidir d'aon duine a bheith fíréanta i láthair Dé? Arbh fhéidir don té a gineadh ó bhean a bheith ionraic?

[5]Níl an ghealach féin geal, Ná na realtaí glan ina láthair.

6 Quanto menos o homem, que é gusano, e o filho do homem, que é verme!

Jó 26

Jó afirma a soberania de Deus

1 Jó, porém, respondeu:

2 Como sabes ajudar ao que não tem força e prestar socorro ao braço que não tem vigor!

3 Como sabes aconselhar ao que não tem sabedoria e revelar plenitude de verdadeiro conhecimento!

4 Com a ajuda de quem proferes tais palavras? E de quem é o espírito que fala em ti?

5 A alma dos mortos treme debaixo das águas com seus habitantes.

6 O além está desnudo perante ele, e não há coberta para o abismo.

7 Ele estende o norte sobre o vazio e faz pairar a terra sobre o nada.

8 Prende as águas em densas nuvens, e as nuvens não se rasgam debaixo delas.

9 Encobre a face do seu trono e sobre ele estende a sua nuvem.

10 Traçou um círculo à superfície das águas, até aos confins da luz e das trevas.

11 As colunas do céu tremem e se espantam da sua ameaça.

6Nach lú ná sin an duine, nach bhfuil ann ach cruimh, Agus mac an duine, nach bhfuil ann ach péist.

Iób 26

Iób Fíréanta

1Ansin d'fhreagair Iób, agus dúirt:

2Nach breá an chabhair a thug tú don lag! Nach mór an fhuascailt a rinne tú ar an ngéag thláith!

3Nach maith an chomhairle a thug tú don aineolach! Agus an misneach don lagmhisniúil.

4Ach cé leis a ndearna tú do chomhráite? Agus cé leis an spiorad a tháinig uait?

5Bíonn na Rafáím ar crith faoin talamh thíos, Bíonn eagla ar na huiscí agus ar a lucht áitribh.

6Tá Seól tarrnocht os a chomhair, Agus Abadón gan bhrat.

7Eisean a leath an Roinn Thuaidh thar an bhfolús Agus a chroch an chruinne ar neamhní.

8Cheangail sé na huiscí ina néalta, Agus níor stróiceadh na scamaill faoina n-ualach.

9Chlúdaigh sé aghaidh na [lánré], Agus leath sé a néal thairsti.

10Chuir sé fáinne thart ar dhromchla na n-uiscí, Ag an teorainn idir solas agus dorchadas.

11Tagann creathán ar cholúin na spéire, Agus uafás, nuair a chloiseann siad é ag bagairt.

[12] Com a sua força fende o mar e com o seu entendimento abate o adversário.

[13] Pelo seu sopro aclara os céus, a sua mão fere o dragão veloz.

[14] Eis que isto são apenas as orlas dos seus caminhos! Que leve sussurro temos ouvido dele! Mas o trovão do seu poder, quem o entenderá?

[12]Chiúnaigh sé an fharraige lena chumhacht, Agus threascair sé Ráhab lena éirim.

[13]Shoilsigh a anáil na spéartha, Agus ghoin a lámh an nathair ar teitheadh.

[14]Ach féach! níl sa mhéid sin go léir ach imill a bhealaí! Ní chloisimid uaidh ach macalla cogair! Cé a thuigfeadh toirneach a chumhachta?

Jó 27

Jó descreve a sorte dos perversos

[1] Prosseguindo Jó em seu discurso, disse:

[2] Tão certo como vive Deus, que me tirou o direito, e o Todo-Poderoso, que amargurou a minha alma,

[3] enquanto em mim estiver a minha vida, e o sopro de Deus nos meus narizes,

[4] nunca os meus lábios falarão injustiça, nem a minha língua pronunciará engano.

[5] Longe de mim que eu vos dê razão! Até que eu expire, nunca afastarei de mim a minha integridade.

[6] À minha justiça me apegarei e não a largarei; não me reprova a minha consciência por qualquer dia da minha vida.

[7] Seja como o perverso o meu inimigo, e o que se levantar contra mim, como o injusto.

[8] Porque qual será a esperança do ímpio, quando lhe for cortada a vida, quando Deus lhe arrancar a alma?

[9] Acaso, ouvirá Deus o seu clamor, em lhe sobrevindo a tribulação?

Iób 27

[1]Agus lean Iób air lena aitheasc agus dúirt:

[2]Dar Dia beo a bhain díom mo cheart, Agus dar an Uilechumhachtach a chuir gruaim ar m'anam,

[3]Fad tá an dé ionam, Agus spiorad Dé i mo phholláirí,

[4]Ní labhróidh mo bheola focal éithigh go brach Ná ní thiocfaidh bréag as mo bhéal!

[5]Gura fada uaim a admháil go bhfuil tú sa cheart! Go lá mo bháis ní shéanfaidh mé m'ionracas.

[6]Seasaim ar fhód m'fhíréantachta, agus ní bhogfaidh mé. Níl ábhar gearáin ag mo choinsias orm de bharr mo shaoil.

[7]Droch-chríoch ar m'eascara, dála an urchóidigh, Agus ar mo namhaid, dála an éagráifigh.

[8]Óir cén dóchas atá ag an aindiaga ag [guí] dó, Agus ag ardú a anama chun Dé?

[9]An n-éistfidh Dia lena ghlao Nuair a thagann an mí-ádh sa mhullach air?

[10] Deleitar-se-á o perverso no Todo-Poderoso e invocará a Deus em todo o tempo?

[11] Ensinar-vos-ei o que encerra a mão de Deus e não vos ocultarei o que está com o Todo-Poderoso.

[12] Eis que todos vós já vistes isso; por que, pois, alimentais vãs noções?

[13] Eis qual será da parte de Deus a porção do perverso e a herança que os opressores receberão do Todo-Poderoso:

[14] Se os seus filhos se multiplicarem, será para a espada, e a sua prole não se fartará de pão.

[15] Os que ficarem dela, a peste os enterrará, e as suas viúvas não chorarão.

[16] Se o perverso amontoar prata como pó e acumular vestes como barro,

[17] ele os acumulará, mas o justo é que os vestirá, e o inocente repartirá a prata.

[18] Ele edifica a sua casa como a da traça e como a choça que o vigia constrói.

[19] Rico se deita com a sua riqueza, abre os seus olhos e já não a vê.

[20] Pavores se apoderam dele como inundação, de noite a tempestade o arrebata.

[21] O vento oriental o leva, e ele se vai; varre-o com ímpeto do seu lugar.

[10]An é an tUilechumhachtach is gean leis? An gcuireann sé a ghuí i gcónaí chun Dé?

[11]A mhalairt! Taispeánfaidh mé daoibh cé mar oibríonn cumhacht Dé, Gan aon chuid de bheartais an Uilechumhachtaigh a cheilt.

[12]Dá dtuigfeadh sibh féin go léir iad, Ní chuirfeadh sibh bhur n-anáil amú ar bhriathra baotha.

An Mac Mallachtan

[13]Sé seo atá i ndán ag Dia don choirpeach, Agus an oidhreacht a bhronnann an tUilechumhachtach ar an tíoránach.

[14]Dá líonmhaire iad a chlann mhac, sé an claíomh is dán dóibh; Agus beidh a sliochtsan ar an ngannchuid bia.

[15]Déanfaidh an bás an mhuintir a bheidh fágtha a adhlacadh, Agus ní dhéanfaidh a mbaintreacha olagón.

[16]Cruinníodh sé airgead mar luaithreach, Agus cnuasaíodh sé éadach mar chré.

[17]Bíodh aige! Ach is duine cóir a chaithfidh, Agus roinnfear a chuid airgid ar an muintir ionraic.

[18]Thog sé nead damhán alla dó féin, Agus seantán fhear faire.

[19]Luíonn sé síos saibhir, ach ní bheidh sé amhlaidh arís, Nuair a dhúiseoidh sé beidh gach ní imithe.

[20]Tiocfaidh uafáis sa mhullach air mar thuile, Agus fuadóidh stoirm é san oíche.

[21]Ardóidh an ghaoth anoir ón talamh é, agus béarfaidh sí léi é, Sciobfaidh sí é óna áit chónaithe.

[22] Deus lança isto sobre ele e não o poupa, a ele que procura fugir precipitadamente da sua mão;

[23] à sua queda lhe batem palmas, à saída o apupam com assobios.

[22]Déanfar sprioc lámhaigh de gan trua ná taise; Caithfidh sé teitheadh ó lucht a bhagartha.

[23]Buailfear bosa nuair a leagfar ar lár é, Agus beifear ag drannadh air ó gach aird.

Jó 28

O homem apropria-se das riquezas da terra

[1] Na verdade, a prata tem suas minas, e o ouro, que se refina, o seu lugar.

[2] O ferro tira-se da terra, e da pedra se funde o cobre.

[3] Os homens põem termo à escuridão e até aos últimos confins procuram as pedras ocultas nas trevas e na densa escuridade.

[4] Abrem entrada para minas longe da habitação dos homens, esquecidos dos transeuntes; e, assim, longe deles, dependurados, oscilam de um lado para outro.

[5] Da terra procede o pão, mas embaixo é revolvida como por fogo.

[6] Nas suas pedras se encontra safira, e há pó que contém ouro.

[7] Essa vereda, a ave de rapina a ignora, e jamais a viram os olhos do falcão.

[8] Nunca a pisaram feras majestosas, nem o leãozinho passou por ela.

[9] Estende o homem a mão contra o rochedo e revolve os montes desde as suas raízes.

[10] Abre canais nas pedras, e os seus olhos vêem tudo o que há de mais precioso.

Íób 28

Iomann don Eagna

[1]Tá mianach ann don airgead Agus tine ann leis an ór a ghlanadh.

[2]Tógtar iarann as an talamh, Agus tagann copar ón gcloch leáite.

[3]Cuireann an duine deireadh le dorchadas. Déanann sé an charraig dhorcha dhubhach a pholladh Síos go híochtar agus go grinneall.

[4]Déanann muintir an lampa mianaigh a thochailt, In áiteanna atá gan teannta don chois, Agus bíonn siad ar cheann téide i gcéin ó dhaoine.

[5]An talamh as a dtagann an t-arán, Déantar é a chreachadh laistíos le tine.

[6]Is leaba saifírí a chlocha, Agus ór is luaithreach aige.

[7]Níl eolas na slí ag an éanlaith chreiche, Agus ní fhaca súil na baidhbhe í.

[8]Níor ghabh na hainmhithe maorga an cosán sin, Ná níor leag an leon a chosa air.

[9]Leagann an duine a lámh ar an mbreochloch, Agus iompaíonn sé na cnoic bunoscionn.

[10]Gearrann sé tolláin trí na carraigeacha, Agus é ag faire amach do gach sort seoide.

[11] Tapa os veios de água, e nem uma gota sai deles, e traz à luz o que estava escondido.

A verdadeira sabedoria é dom de Deus

[12] Mas onde se achará a sabedoria? E onde está o lugar do entendimento?

[13] O homem não conhece o valor dela, nem se acha ela na terra dos viventes.

[14] O abismo diz: Ela não está em mim; e o mar diz: Não está comigo.

[15] Não se dá por ela ouro fino, nem se pesa prata em câmbio dela.

[16] O seu valor não se pode avaliar pelo ouro de Ofir, nem pelo precioso ônix, nem pela safira.

[17] O ouro não se iguala a ela, nem o cristal; ela não se trocará por jóia de ouro fino;

[18] ela faz esquecer o coral e o cristal; a aquisição da sabedoria é melhor que a das pérolas.

[19] Não se lhe igualará o topázio da Etiópia, nem se pode avaliar por ouro puro.

[20] Donde, pois, vem a sabedoria, e onde está o lugar do entendimento?

[21] Está encoberta aos olhos de todo vivente e oculta às aves do céu.

[22] O abismo e a morte dizem: Ouvimos com os nossos ouvidos a sua fama.

[23] Deus lhe entende o caminho, e ele é quem sabe o seu lugar.

[24] Porque ele perscruta até as extremidades da terra, vê tudo o que há debaixo dos céus.

[25] Quando regulou o peso do vento e fixou a medida das águas;

[11]Cuardaíonn sé foinsí na n-aibhneacha, Agus nochtann don saol a mbíonn i bhfolach.

[12]Ach an eagna, cá bhfuil sí le fáil Agus cá bhfuil teacht ar an tuiscint?

[13]Ní eol don duine an bealach chuici, Agus ní bhfaightear í i dtír na mbeo.

[14]Deir an duibheagán: “Níl sí ionamsa,” Agus an fharraige: “Níl sí faramsa.”

[15]Ní féidir í a cheannach ar ór, Ná díol aisti le meáchan airgid.

[16]Ní féidir luach a chur uirthi de réir ór Óifír, Ná de réir oinisce ná saifíre lómhaire.

[17]Níl dul ag ór ná ag gloine uirthi, Ná ní féidir soithí óir fhíre a mhalartú uirthi.

[18]Ní fiú cuireal ná criostal a lua - I gcóimheas léi ní fiú péarla an t-iascach.

[19]Tópás na hAetóipe ní ionann agus í, Ná ní féidir í a mheas leis an ór fíre.

[20]Ach inis dom, cad as don eagna? Agus cá bhfuil an tuiscint le fáil?

[21]Tá sí i bhfolach ó shúile na mbeo go léir, Agus ceilte ar éanlaith an aeir.

[22]Deir Abadón agus an Bás: “Ní bhfuaireamar ach clos tráchta uirthi.”

[23]Ag Dia amháin is fios a cosán, Agus dó is eol a háit lonnaithe.

[24]Mar tá radharc aige go imill na cruinne, Agus feiceann sé gach ní faoin spéir go léir.

[25]Nuair a thug sé a meáchan don ghaoth, Agus a thomhais sé toirt na n-uiscí,

[26] quando determinou leis para a chuva e caminho para o relâmpago dos trovões,

[27] então, viu ele a sabedoria e a manifestou; estabeleceu-a e também a esquadrinhou.

[28] E disse ao homem: Eis que o temor do SENHOR é a sabedoria, e o apartar-se do mal é o entendimento.

[26]Nuair a leag sé síos reacht don bháisteach, Agus cosán le leanúint don toirneach,

[27]Bhí radharc aige uirthi, agus cheap sé a fiúntas; Thug breith uirthi agus ghrinnscrúdaigh í.

[28]Agus dúirt sé leis an duine: “Féach, eagla an Tiarna an eagna, Agus an t-olc a sheachaint is ea an tuiscint.”

Jó 29

Jó lembra-se do seu primeiro estado feliz

[1] Prosseguiu Jó no seu discurso e disse:

[2] Ah! Quem me dera ser como fui nos meses passados, como nos dias em que Deus me guardava!

[3] Quando fazia resplandecer a sua lâmpada sobre a minha cabeça, quando eu, guiado por sua luz, caminhava pelas trevas;

[4] como fui nos dias do meu vigor, quando a amizade de Deus estava sobre a minha tenda;

[5] quando o Todo-Poderoso ainda estava comigo, e os meus filhos, em redor de mim;

[6] quando eu lavava os pés em leite, e da rocha me corriam ribeiros de azeite.

[7] Quando eu saía para a porta da cidade, e na praça me era dado sentar-me,

[8] os moços me viam e se retiravam; os idosos se levantavam e se punham em pé;

Iób 29

Iób ag Caoineadh a Cháis

[1]Lean Iób air lena aitheasc ansin agus dúirt:

[2]Uch nach bhfuil an scéal agam mar a bhí sna míonna atá thart, Agus sna laethanta ina raibh Dia i mo chúram.

[3]Nuair a bhí a lampa ag taitneamh os mo chionn, Agus a sholas mar threoir agam sa dorchadas,

[4]Mar a bhí mé i laethanta mo shéin, Nuair a chuir Dia fál timpeall mo bhotha;

[5]Nuair a bhí an tUilechumhachtach fós faram, Agus mo chlann i mo thimpeall;

[6]Nuair a bhí mo chosa á ní le huachtar, Agus ola ina slaoda ó na carraigeacha!

[7]Nuair a ghabh mé amach go geata na cathrach, Nuair a shuigh mé in áit an mhargaidh,

[8]Chonaic na hógánaigh mé agus chuaigh siad i leataobh, Agus d'éirigh na seanóirí ina seasamh.

[9] os príncipes reprimiam as suas palavras e punham a mão sobre a boca;

[10] a voz dos nobres emudecia, e a sua língua se apegava ao paladar.

[11] Ouvindo-me algum ouvido, esse me chamava feliz; vendo-me algum olho, dava testemunho de mim;

[12] porque eu livrava os pobres que clamavam e também o órfão que não tinha quem o socorresse.

[13] A bênção do que estava a perecer vinha sobre mim, e eu fazia rejubilar-se o coração da viúva.

[14] Eu me cobria de justiça, e esta me servia de veste; como manto e turbante era a minha eqüidade.

[15] Eu me fazia de olhos para o cego e de pés para o coxo.

[16] Dos necessitados era pai e até as causas dos desconhecidos eu examinava.

[17] Eu quebrava os queixos do iníquo e dos seus dentes lhe fazia eu cair a vítima.

[18] Eu dizia: no meu ninho expirarei, multiplicarei os meus dias como a areia.

[19] A minha raiz se estenderá até às águas, e o orvalho ficará durante a noite sobre os meus ramos;

[20] a minha honra se renovará em mim, e o meu arco se reforçará na minha mão.

[21] Os que me ouviam esperavam o meu conselho e guardavam silêncio para ouvi-lo.

[9]Scoir na flatha den chaint. Agus leag méara ar a mbeola.

[10]D'éist glór na dtaoiseach, Agus níor bhog a dteanga ón gcarball.

[11]Nuair a chuala an chluas mé, chuir sí a beannacht orm, Agus nuair a chonaic an tsúil mé thug sí fianaise orm.

[12]Óir d'fhuascail mé an bocht nuair a ghlaoigh sé, Agus an dílleachta a bhí gan lámh chúnta.

[13]Tháinig beannacht orm ón té a bhí ag saothrú an bháis Agus chuir mé lúcháir ar chroí na baintrí.

[14]Chuir mé an fhíréantacht umam mar bhrat; Ba gheall le caidhp agus clóca agam an ceart.

[15]Ba shúile mé don dall, Agus cosa don bhacach.

[16]Ba athair mé don bhochtán, Agus d'iniúch mé cúis an duine anaithnid.

[17]Bhris mé giall an éagóraigh Agus sciob mé a chreach óna fhiacla.

[18]Dúirt mé liom féin: “Gheobhaidh mé bás faoi onóir; Rachaidh mo laethanta i líonmhaire dála an chrann pailme,

[19]Agus mo fhréamha leata i dtreo na n-uiscí, Agus an drúcht ag luí ar mo dhuilliúr san oíche.

[20]Ní rachaidh mo cháil ar gcúl, Agus beidh neart úr sa bhogha i mo láimh.”

[21]D'éisteadh daoine liom go foighneach, Agus thugaidís cluas do mo chomhairle gan focal astu.

[22] Havendo eu falado, não replicavam; as minhas palavras caíam sobre eles como orvalho.

[22]Nuair a bhíodh deireadh ráite agam ní labhraidís arís, Agus thit mo fhocla orthu ceann ar cheann.

[23] Esperavam-me como à chuva, abriam a boca como à chuva de primavera.

[23]Bhídís ag feitheamh liom mar a bheidís leis an mbáisteach. Agus d'osclaídís a mbéal mar a dhéanfaidís don bháisteach dhéanach.

[24] Sorria-me para eles quando não tinham confiança; e a luz do meu rosto não desprezavam.

[24]Dá ngairfinn fúthu, ní chreidfidís; Dá réiteoinn, ní chuirfidís ina choinne.

[25] Eu lhes escolhia o caminho, assentava-me como chefe e habitava como rei entre as suas tropas, como quem consola os que pranteiam.

[25]Dhéanainnse a gcúrsa a roghnú, agus shuínn mar thaoiseach; Agus bhínn mar rí i measc a shluaite, Agus mar shólásaí do lucht an chaointe.

Jó 30

Jó lamenta a miséria em que caiu

[1] Mas agora se riem de mim os de menos idade do que eu, e cujos pais eu teria desdenhado de pôr ao lado dos cães do meu rebanho.

[2] De que também me serviria a força das suas mãos, homens cujo vigor já pereceu?

[3] De míngua e fome se debilitaram; roem os lugares secos, desde muito em ruínas e desolados.

[4] Apanham malvas e folhas dos arbustos e se sustentam de raízes de zimbro.

[5] Do meio dos homens são expulsos; grita-se contra eles, como se grita atrás de um ladrão;

[6] habitam nos desfiladeiros sombrios, nas cavernas da terra e das rochas.

Iób 30

[1]Ach is ceap magaidh mé anois Ag na sóisir, ag dream is óige ná mé féin, Nárbh fhiú liom a n-aithreacha A chur i bhfeighil mo thréad le mo mhadraí.

[2]Cén tairbhe dom neart a lámh, Mar ní raibh aon lúth fágtha sa dream úd

[3]Le gannchúis agus le gorta! Bhídís ag cogaint fréamha luíonna an fhásaigh,

[4]Agus na leamhaí buí agus duilliúr na dtor; Ní raibh de bhia acu ach fréamh an aitinn.

[5]Tiomáineadh ó chomhluadar daoine iad; Tógadh liú ina n-aghaidh dála an ghadaí;

[6]Níor mhór dóibh cur fúthu in aillteacha na ngleannta, In uaimheanna talún agus i bpluaiseanna carraige.

[7] Bramam entre os arbustos e se ajuntam debaixo dos espinheiros.
[8] São filhos de doidos, raça infame, e da terra são escorraçados.
[9] Mas agora sou a sua canção de motejo e lhes sirvo de provérbio.
[10] Abominam-me, fogem para longe de mim e não se abstêm de me cuspir no rosto.
[11] Porque Deus afrouxou a corda do meu arco e me oprimiu; pelo que sacudiram de si o freio perante o meu rosto.
[12] À direita se levanta uma súcia, e me empurra, e contra mim prepara o seu caminho de destruição.
[13] Arruínam a minha vereda, promovem a minha calamidade; gente para quem já não há socorro.
[14] Vêm contra mim como por uma grande brecha e se revolvem avante entre as ruínas.
[15] Sobrevieram-me pavores, como pelo vento é varrida a minha honra; como nuvem passou a minha felicidade.
[16] Agora, dentro de mim se me derrama a alma; os dias da aflição se apoderaram de mim.
[17] A noite me verruma os ossos e os desloca, e não descansa o mal que me rói.

[7]Bhídís ag lógóireacht i measc na dtor, Agus ag brú ar a chéile sna neantóga.
[8]Síol gan uaisleacht gan mheas, Scriosadh iad as an tír.
[9]Sin iad an dream anois a bhfuilim mar ábhar amhrán acu! Táim i mo sceith béil acu.
[10]Tá an ghráin acu orm agus seachnaíonn siad mé. Ní scorn leo seile a chaitheamh san aghaidh orm.
[11]De bhrí gur bhain Dia mo chumas díom, agus gur threascair sé mé, Chaitheadar an béalbhach as a mbéal.
[12]Ar dheis, tá an ghramaisc ag éirí i mo choinne, Agus ag caitheamh asachán [liom], Agus ag céimniú go bagrach i m'aghaidh.
[13]Tá bac ar mo chosáin go léir acu le mé a scrios; Ritheann leo agus níl aon duine lena gcosc.
[14]Tagann siad ar aghaidh mar a bheadh trí bhearna leathan, Agus basctar mé faoin mbruscar.
[15]Scaoileadh uafáis liom, Agus séideadh m'onóir chun siúil, mar a bheadh le gaoth, Agus d'imigh mo chonách uaim mar a bheadh néal.
[16]Tá m'anam ag leá uaim, Agus greim ag laethanta péine orm.
[17]Bíonn doitheacha i mo chnámha san oíche; Bíonn pianta do mo chreimeadh gan sos.

[18] Pela grande violência do meu mal está desfigurada a minha veste, mal que me cinge como a gola da minha túnica.
[19] Deus, tu me lançaste na lama, e me tornei semelhante ao pó e à cinza.
[20] Clamo a ti, e não me respondes; estou em pé, mas apenas olhas para mim.
[21] Tu foste cruel comigo; com a força da tua mão tu me combates.
[22] Levantas-me sobre o vento e me fazes cavalgá-lo; dissolves-me no estrondo da tempestade.
[23] Pois eu sei que me levarás à morte e à casa destinada a todo vivente.
[24] De um montão de ruínas não estenderá o homem a mão e na sua desventura não levantará um grito por socorro?
[25] Acaso, não chorei sobre aquele que atravessava dias difíceis ou não se angustiou a minha alma pelo necessitado?
[26] Aguardava eu o bem, e eis que me veio o mal; esperava a luz, veio-me a escuridão.
[27] O meu íntimo se agita sem cessar; e dias de aflição me sobrevêm.
[28] Ando de luto, sem a luz do sol; levanto-me na congregação e clamo por socorro.
[29] Sou irmão dos chacais e companheiro de avestruzes.

[18]Rug [Dia] ar bhrat orm le teann nirt, Agus fuair greim ar bhóna m'fhallainge.
[19]Chaith sé sa dríb mé Agus is cuma mé nó lathach is luaithreach.
[20]Glaoim ort gan freagra a fháil; Seasaim os do chomhair, ach ní thógann tú ceann díom.
[21]D'éirigh tú cruálach ag plé liom, Agus buaileann tú mé le neart do láimhe.
[22]Ardaíonn tú ó thalamh mé le hiompar ag an ngaoth, Agus suaitheann tú mé i súil na stoirme.
[23]Tá a fhios agam gur go dtí an bás atá tú do mo bhreith, Agus go teach cruinnithe na mbeo go léir.
[24]Ach ar leag mise lámh riamh ar na boicht Agus iad ag glaoch ag lorg fóirithinte óna dtubaiste?
[25]Ghoil mé go deimhin ar son lucht an tsaoil bhrónaigh, Agus chaoin mé cás an bhochtáin.
[26]Bhí mé ag súil leis an maith, ach sé an t-olc a tháinig. Bhí mé ag súil leis an solas, ach sé an dorchadas a thit.
[27]Tá suaitheadh ar mo chroí, gan suaimhneas air choíche, Agus é gach lá ag iompar a ualach bróin.
[28]Gabhaim timpeall go dubhach, gan [sólás ar fáil dom]. Seasaim sa chomhthionól, ach is le glaoch ar chabhair.
[29]Is bráthair don seacál mé, Agus comrádaí don ostrais.

[30] Enegrecida se me cai a pele, e os meus ossos queimam em febre.

[31] Por isso, a minha harpa se me tornou em prantos de luto, e a minha flauta, em voz dos que choram.

[30]Dhúigh mo chraiceann orm Agus tá mo chnámha á loscadh ag fiabhras.

[31]Tá mo chruit i dtiúin don olagón, Agus m'fheadóg do ghlór lucht an chaointe.

Jó 31

Jó declara sua integridade

[1] Fiz aliança com meus olhos; como, pois, os fixaria eu numa donzela?

[2] Que porção, pois, teria eu do Deus lá de cima e que herança, do Todo-Poderoso desde as alturas?

[3] Acaso, não é a perdição para o iníquo, e o infortúnio, para os que praticam a maldade?

[4] Ou não vê Deus os meus caminhos e não conta todos os meus passos?

[5] Se andei com falsidade, e se o meu pé se apressou para o engano

[6] (pese-me Deus em balanças fiéis e conhecerá a minha integridade);

[7] se os meus passos se desviaram do caminho, e se o meu coração segue os meus olhos, e se às minhas mãos se apegou qualquer mancha,

[8] então, semeie eu, e outro coma, e sejam arrancados os renovos do meu campo.

[9] Se o meu coração se deixou seduzir por causa de mulher, se andei à espreita à porta do meu próximo,

[10] então, moa minha mulher para outro, e outros se encurvem sobre ela.

Íób 31

Íób á Chosaint Féin

[1]Rinne mé margadh le mo shúile, Nach ndéanfaidís moill ag amharc ar mhaighdean.

[2]Cén roinn a dheonaíonn Dia ó neamh? Cén oidhreacht a bhronnann an tUilechumhachtach ó na flaithis?

[3]Nach tubaiste ar an gcoirpeach? Agus mí-adh ar lucht na hurchóide?

[4]Nach bhfeiceann sé mo bhealaí Agus nach n-áiríonn sé mo choiscéimeanna?

[5]An raibh mé cois ar chois leis an mbreag? Nó ar sodar i ndiaidh na calaoise?

[6]Déanadh sé mé a mheá sa mheá ionraic, Agus bíodh m'fhíréantacht ar eolas ag Dia!

[7]Má chuaigh mo chos i leataobh ón mbealach, Nó má lean mo dhúil mo shúil, Nó má thóg mé aon ní i mo ghlac,

[8]Go gcuireadsa an síol ach go mbaine duine eile an fómhar; Go ndéantar mo shliocht a stoitheadh ar shiúl!

[9]Má mealladh mé riamh ag bean, Nó má fhan mé ag faire ag doras mo chomharsan,

[10]Go meile mo bhean a phlúr do dhuine eile, Agus go gcodlaí sí faoi bhraillín nach liomsa.

[11] Pois seria isso um crime hediondo, delito à punição de juízes;
[12] pois seria fogo que consome até à destruição e desarraigaria toda a minha renda.
[13] Se desprezei o direito do meu servo ou da minha serva, quando eles contendiam comigo,
[14] então, que faria eu quando Deus se levantasse? E, inquirindo ele a causa, que lhe responderia eu?
[15] Aquele que me formou no ventre materno não os fez também a eles? Ou não é o mesmo que nos formou na madre?
[16] Se retive o que os pobres desejavam ou fiz desfalecer os olhos da viúva;
[17] ou, se sozinho comi o meu bocado, e o órfão dele não participou
[18] (Porque desde a minha mocidade cresceu comigo como se eu lhe fora o pai, e desde o ventre da minha mãe fui o guia da viúva.);
[19] se a alguém vi perecer por falta de roupa e ao necessitado, por não ter coberta;
[20] se os seus lombos não me abençoaram, se ele não se aquentava com a lã dos meus cordeiros;
[21] se eu levantei a mão contra o órfão, por me ver apoiado pelos juízes da porta,
[22] então, caia a omoplata do meu ombro, e seja arrancado o meu braço da articulação.

[11]Ba pheaca drúise é sin, Coir le [díolt ag an dlí],
[12]Coir a d'adhnfadh tine a loscfadh go hAbadón. Agus a dhófadh m'fhómhar go léir.
[13]Dá ndiúltóinn do cheart mo dhaoráin Nó mo dhaoirsí, nuair a bhíodar ag aighneas liom,
[14]Cad a dhéanfainn nuair a d'éireodh Dia? Cad déarfainn nuair a dhéanfadh sé fiosrú?
[15]An té a rinne mise sa bhroinn, nach ndearna sé iadsan freisin? Nach é an [Dia] céanna a rinne sinn go léir i mbolg ár máthar?
[16]Ar dhiúltaigh mé don bhocht aon ní a bhí de dhíth air? Ar chuir mé gruaim ar shúile na baintrí?
[17]Ar chaith mé mo chuid bia liom féin, Gan cuid a thabhairt don dílleachta?
[18]Óir bhí [Dia] mar athair agam do m'oiliúint ó m'óige, Agus threoraigh sé mé ó bhroinn mo mháthar.
[19]An bhfaca mé riamh ainniseoir gan éadach, Nó fear bocht gan bhrat,
[20]Agus gan é do mo bheannú ó chroí, Agus lomra mo chaorach á théamh?
[21]Ar ardaigh mé mo lámh in aghaidh an [neamhchiontaigh], Le barr muiníne as mo dhea-mheas ag an ngeata?
[22]Má rinne mé amhlaidh, go dtite mo ghualainn ó mo shlinneán, Agus go stractar mo ghéag as alt!

[23] Porque o castigo de Deus seria para mim um assombro, e eu não poderia enfrentar a sua majestade.
[24] Se no ouro pus a minha esperança ou disse ao ouro fino: em ti confio;
[25] se me alegrei por serem grandes os meus bens e por ter a minha mão alcançado muito;
[26] se olhei para o sol, quando resplandecia, ou para a lua, que caminhava esplendente,
[27] e o meu coração se deixou enganar em oculto, e beijos lhes atirei com a mão,
[28] também isto seria delito à punição de juízes; pois assim negaria eu ao Deus lá de cima.
[29] Se me alegrei da desgraça do que me tem ódio e se exultei quando o mal o atingiu
[30] (Também não deixei pecar a minha boca, pedindo com imprecações a sua morte.);
[31] se a gente da minha tenda não disse: Ah! Quem haverá aí que não se saciou de carne provida por ele
[32] (O estrangeiro não pernoitava na rua; as minhas portas abria ao viandante.)!
[33] Se, como Adão, encobri as minhas transgressões, ocultando o meu delito no meu seio;
[34] porque eu temia a grande multidão, e o desprezo das famílias me apavorava, de sorte que me calei e não saí da porta.

[23]Óir thiocfadh uafás Dé anuas orm, Agus ní sheasóinn an fód i láthair a mhórgachta.
[24]Ar chuir mé mo mhuinín san ór? Nó ar dhúirt mé leis an ór fíre: “Is tú mo thaca.”
[25]Ar mhaígh mé as flúirse mo mhaoine? Nó as an raidhse a ghnóthaigh mé i mo ghlac?
[26]Nuair a chonaic mé an ghrian ina glóir, Nó niamh na gealaí ina cúrsa,
[27]Ar mealladh mo chroí os íseal Is gur chaith mé póg ó mo láimh leo?
[28]Ba choir é sin leis a bheadh le díolt ag an dlí - Mé a shéanadh Dé in airde.
[29]Ar bhain mé taitneamh as mí-ádh mo namhad, An ndearna mé lúcháir nuair a bhuail an tubaiste é?
[30]Cé nár lig mé do mo theanga aon olc a dhéanamh, Á mhallachtú nó ag guí dianbhás do.
[31]Nár dhúirt lucht mo bhotha: “An bhfuil aon duine nach bhfuair a sháith dá fheoil?”
[32]Níor ghá do dheoraí riamh codladh sa tsráid; Bhí mo dhoras riamh ar leathadh don [taistealaí].
[33]Ar cheil mé riamh mo chionta [ó dhaoine]? Agus ar chuir mé m'urchóid i bhfolach i mo chliabh?
[34]An raibh eagla orm riamh roimh chúlghearradh an phobail Nó scéin roimh fhonóid ón aon teaghlach?

[35] Tomara eu tivesse quem me ouvisse! Eis aqui a minha defesa assinada! Que o Todo-Poderoso me responda! Que o meu adversário escreva a sua acusação!

[36] Por certo que a levaria sobre o meu ombro, atá-la-ia sobre mim como coroa;

[37] mostrar-lhe-ia o número dos meus passos; como príncipe me chegaria a ele.

[38] Se a minha terra clamar contra mim, e se os seus sulcos juntamente chorarem;

[39] se comi os seus frutos sem tê-la pago devidamente e causei a morte aos seus donos,

[40] por trigo me produza cardos, e por cevada, joio. Fim das palavras de Jó.

Jó 32

Eliú irado contra Jó e seus três amigos

[1] Cessaram aqueles três homens de responder a Jó no tocante ao se ter ele por justo aos seus próprios olhos.

[2] Então, se acendeu a ira de Eliú, filho de Baraquel, o buzita, da família de Rão; acendeu-se a sua ira contra Jó, porque este pretendia ser mais justo do que Deus.

[3] Também a sua ira se acendeu contra os três amigos, porque, mesmo não achando eles o que responder, condenavam a Jó.

[35]Uch gan [Dia] le héisteacht liom! Tá deireadh ráite agam, ó A go U; freagraíodh an tUilechumhachtach mé.

[36]Nuair a bheidh a scrolla scríofa ag mo chúisitheoir i mo choinne, Caithfidh mé ar mo ghualainn é, Nó cuirfidh mé ar mo cheann é mar choróin;

[37]Tabharfaidh mé cúntas ar gach beart de mo shaol, Agus rachaidh mé go fearúil, mar thaoiseach, ina araicis.

[38]Má ghlaoigh mo chuid talún i m'aghaidh, Agus go raibh gach clais ar snámh le deora,

[39]Má ith mé a thoradh gan díol as, Nó má thug mé cúis ghearáin do lucht a shaothraithe,

[40]Go bhfása sceacha mar a mbíodh an chruithneacht, Agus fiailí nimhneacha mar a mbíodh an eorna. (Sin críoch ar bhriathra Iób.)

Iób 32

Aithisc Eilíhiú
Réamhrá: Aitheasc a hAon

[1]Scoir an triúr sin de bheith ag freagairt Iób mar go raibh sé cinnte go raibh sé neamhchiontach.

[2]Ach tháinig racht feirge ar Eilíhiú mac Bharacael ó Bhúz, de chlann Rám. Bhí a racht dírithe ar Iób mar gur mheas seisean nárbh é Dia ach é féin a bhí sa cheart.

[3]Bhí a racht dírithe leis ar a thriúr cairde, mar nár thángadar ar fhreagra, agus gur dhaoradar [Dia].

[4] Eliú, porém, esperara para falar a Jó, pois eram de mais idade do que ele.

[5] Vendo Eliú que já não havia resposta na boca daqueles três homens, a sua ira se acendeu.

Eliú vinga o seu direito de responder a Jó

[6] Disse Eliú, filho de Baraquel, o buzita: Eu sou de menos idade, e vós sois idosos; arreceei-me e temi de vos declarar a minha opinião.

[7] Dizia eu: Falem os dias, e a multidão dos anos ensine a sabedoria.

[8] Na verdade, há um espírito no homem, e o sopro do Todo-Poderoso o faz sábio.

[9] Os de mais idade não é que são os sábios, nem os velhos, os que entendem o que é reto.

[10] Pelo que digo: dai-me ouvidos, e também eu declararei a minha opinião.

[11] Eis que aguardei as vossas palavras e dei ouvidos às vossas considerações, enquanto, quem sabe, buscáveis o que dizer.

[12] Atentando, pois, para vós outros, eis que nenhum de vós houve que refutasse a Jó, nem que respondesse às suas razões.

[13] Não vos desculpeis, pois, dizendo: Achamos sabedoria nele; Deus pode vencê-lo, e não o homem.

[4]Fad a bhíodarsan ag caint le Iób, bhí foighne ag Eilíhiú mar ba shine iad ná eisean.

[5]Ach nuair a chonaic Eilíhiú nár fágadh focal le freagairt i mbéal an triúir, tháinig rabharta feirge air.

[6]Agus ansin d'fhreagair Eilíhiú mac Bharacael agus dúirt: Táim ar bheagán blianta Agus sibhse in bhur seanóirí, Uime sin bhí eagla agus ceann faoi orm Mo smaointe a nochtadh.

[7]Dúirt mé: "Labhraíodh na blianta Agus cuireadh an aois mhór an eagna in iúl!"

[8]Ach tá fhios agam anois gur spiorad sa duine, Agus anáil ón Uilechumhachtach a thugann tuiscint.

[9]Ní le haois mhór a thagann an chríonnacht, Ná ní hiad na seanóirí is géire breith.

[10]Deirim, dá bhrí sin, "Tugaigí cluas dom! Bíodh cead cainte agamsa freisin le m'eagna a fhógairt!"

[11]Bhí mise ag éisteacht le bhur mbriathra, Agus cluas agam do bhur ráite gaoise; Fad a bhí sibh ag cuartú focal le freagairt,

[12]Bhí aird agam oraibh. Ach, féach, ní raibh aon duine le Iób a bhreagnú; Ní raibh aon duine in bhur measc lena ráitis a fhreagairt.

[13]Ná bíodh sé de dhánaíocht ionaibh a rá go bhfuair sibh greim ar an eagna, Ná gurbh ó Dhia agus nach ó dhuine [bhur dteagasc].

[14] Ora, ele não me dirigiu palavra alguma, nem eu lhe retorquirei com as vossas palavras.
[15] Jó, os três estão pasmados, já não respondem, faltam-lhes as palavras.
[16] Acaso, devo esperar, pois não falam, estão parados e nada mais respondem?
[17] Também eu concorrerei com a minha resposta; declararei a minha opinião.
[18] Porque tenho muito que falar, e o meu espírito me constrange.
[19] Eis que dentro de mim sou como o vinho, sem respiradouro, como odres novos, prestes a arrebentar-se.
[20] Permiti, pois, que eu fale para desafogar-me; abrirei os lábios e responderei.
[21] Não farei acepção de pessoas, nem usarei de lisonjas com o homem.
[22] Porque não sei lisonjear; em caso contrário, em breve me levaria o meu Criador.

[14]Nílimse chun feidhm a bhaint as a leithéid sin d'argóint; Beidh malairt cló ar mo fhreagrasa.
[15]Tá siad bainte dá mbonna, gan focal astu, Ná freagra ina mbéal.
[16]D'fhan mé nó gur éisteadar, Gur stadadar, gan a thuilleadh a rá.
[17]Beidh rud éigin le rá agamsa anois! Déanfaidh mise anois m'eolas a fhógairt.
[18]Féach! táim lán de chaint! Agus tá an spiorad i mo bholg do m'éigniú.
[19]Tá mo bholg mar fhíon nua ag lorg poill sceite, Agus ag pléascadh seithe nuaghlan fíona.
[20]Níl d'fhaoiseamh agam ach labhairt, Osclóidh mé mo bhéal agus tabharfaidh mé freagra.
[21]Ní bheidh lé agam le haon duine, Ná ní bheidh mé ag bladar le fear ar bith.
[22]Nílim oilte ar an mbladar Nó is gearr go gcuirfeadh mo chruthaitheoir deireadh liom.

Jó 33

Eliú repreende a Jó

[1] Ouve, pois, Jó, as minhas razões e dá ouvidos a todas as minhas palavras.

[2] Passo agora a falar, em minha boca fala a língua.

[3] As minhas razões provam a sinceridade do meu coração, e os meus lábios proferem o puro saber.
[4] O Espírito de Deus me fez, e o sopro do Todo-Poderoso me dá vida.

Íób 33

Dánaíocht Íób

[1]Éist le mo bhriathra, a Íób, Agus tabhair cluas do m'fhocail go léir!
[2]Féach, nuair a osclóidh mé mo bhéal, Agus go mbeidh mo theanga ag gearradh na bhfocal de mo charball,

[3]Fogróidh mo chroí briathra eagnaí Agus labhróidh mo bheola le lándáiríre.

[4]Spiorad Dé a rinne mé, Agus sé a anáil a chuir anam ionam.

5 Se podes, contesta-me, dispõe bem as tuas razões perante mim e apresenta-te.

6 Eis que diante de Deus sou como tu és; também eu sou formado do barro.

7 Por isso, não te inspiro terror, nem será pesada sobre ti a minha mão.

8 Na verdade, falaste perante mim, e eu ouvi o som das tuas palavras:

9 Estou limpo, sem transgressão; puro sou e não tenho iniqüidade.

10 Eis que Deus procura pretextos contra mim e me considera como seu inimigo.

11 Põe no tronco os meus pés e observa todas as minhas veredas.

12 Nisto não tens razão, eu te respondo; porque Deus é maior do que o homem.

13 Por que contendes com ele, afirmando que não te dá contas de nenhum dos seus atos?

14 Pelo contrário, Deus fala de um modo, sim, de dois modos, mas o homem não atenta para isso.

15 Em sonho ou em visão de noite, quando cai sono profundo sobre os homens, quando adormecem na cama,

16 então, lhes abre os ouvidos e lhes sela a sua instrução,

17 para apartar o homem do seu desígnio e livrá-lo da soberba;

18 para guardar a sua alma da cova e a sua vida de passar pela espada.

5Bréagnaigh mé, más féidir duit; Réitigh fód do sheasaimh romham.

6Féach ní [dia] mise, ach duine mar thú féin. Dealbhaíodh mise as an gcré, do dhála féin.

7Ná cuireadh eagla romham aon mhairg ort, Ní luífidh mise go trom ort.

8Dúirt tú i gclos mo chluas - Chuala mé na focail féin uait -

9“Táim gan cháim, gan pheaca; Táim ionraic, saor ó urchóid.

10Tá sé ag fáil leithscéalta i m'aghaidh, Agus do m'áireamh mar namhaid.

11Chuir sé mo chosa i gceap, Agus faireann sé mo bhealaí go léir.”

12Níl an ceart agat sa mhéid sin, a deirim leat, Óir is mó Dia ná an duine.

13Cad ab áil leat ag gearán faoi Nár fhreagair sé thú, focal ar fhocal.

14Labhraíonn Dia ar dtús ar shlí Agus ansin ar shlí eile, cé nach dtugtar faoi deara é:

15Labhraíonn sé trí aislingí agus trí fhíseanna oíche, Nuair a thiteann daoine ina dtoirchim suain, Agus iad ina sámhchodladh ina leaba.

16Ansin is ea a chuireann sé cogar ina gcluais, Agus a chuireann sé scéin iontu le huafáis,

17D'fhonn an duine a iompú óna dhrochbhearta, Agus deireadh a chur lena dhíomas.

18Déanann sé a bheo a chosaint ar an uaimh, Agus a anam a shábháil ó Sheól.

[19] Também no seu leito é castigado com dores, com incessante contenda nos seus ossos;
[20] de modo que a sua vida abomina o pão, e a sua alma, a comida apetecível.
[21] A sua carne, que se via, agora desaparece, e os seus ossos, que não se viam, agora se descobrem.
[22] A sua alma se vai chegando à cova, e a sua vida, aos portadores da morte.
[23] Se com ele houver um anjo intercessor, um dos milhares, para declarar ao homem o que lhe convém,
[24] então, Deus terá misericórdia dele e dirá ao anjo: Redime-o, para que não desça à cova; achei resgate.
[25] Sua carne se robustecerá com o vigor da sua infância, e ele tornará aos dias da sua juventude.

[26] Deveras orará a Deus, que lhe será propício; ele, com júbilo, verá a face de Deus, e este lhe restituirá a sua justiça.

[27] Cantará diante dos homens e dirá: Pequei, perverti o direito e não fui punido segundo merecia.

[28] Deus redimiu a minha alma de ir para a cova; e a minha vida verá a luz.
[29] Eis que tudo isto é obra de Deus, duas e três vezes para com o homem,
[30] para reconduzir da cova a sua alma e o alumiar com a luz dos viventes.

[19]Déanann sé an duine a cheartú le pianta ar a leaba, Nuair a bhíonn creathán gan stad ina chnámha,
[20]Agus bia ag cur masmas dearg air; Agus gráin ó chroí aige ar shóláis;
[21]Agus a fheoil á creimeadh os comhair do shúl; Agus a chnámha le feiceáil ag gobadh go nocht óna gclúid;
[22]Agus a anam ag druidim leis an uaimh, Agus a bheo le [teach na marbh].
[23]Ansin bíonn aingeal láimh leis, Idirghabhálaí, aon ar mhílte, Lena dhualgas a chur in iúl dó,
[24]Le bheith cneasta leis, agus a rá: "Fuascail é ó thitim san uaimh, Fuair mé geall ar a shon";
[25]Bíonn a chneas arís i mbláth na hóige; Agus filleann sé arís ar laethanta a chumais.
[26]Guíonn sé chun Dé agus tugann seisean aird air; Agus feiceann sé a ghnúis agus lúcháir air, Agus fógraíonn sé don saol scéal a shaortha;
[27]Canann sé an chaithréim seo os comhair daoine: "Pheacaigh mé, agus thréig mé cosán na fíréantachta, Ach ní dhearna [Dia] díoltas orm.
[28]D'fhuascail sé m'anam ó dhul síos san uaimh, Agus beidh mo shaol faoi sholas."
[29]Déanann Dia na nithe seo go léir Arís agus arís eile don duine.
[30]Fuasclaíonn sé a anam ón uaimh, Le go mbeadh solas na beatha ag taitneamh air.

[31] Escuta, pois, ó Jó, ouve-me; cala-te, e eu falarei.

[32] Se tens alguma coisa que dizer, responde-me; fala, porque desejo justificar-te.

[33] Se não, escuta-me; cala-te, e ensinar-te-ei a sabedoria.

Jó 34

Eliú justifica a Deus

[1] Disse mais Eliú:

[2] Ouvi, ó sábios, as minhas razões; vós, instruídos, inclinai os ouvidos para mim.

[3] Porque o ouvido prova as palavras, como o paladar, a comida.

[4] O que é direito escolhamos para nós; conheçamos entre nós o que é bom.

[5] Porque Jó disse: Sou justo, e Deus tirou o meu direito.

[6] Apesar do meu direito, sou tido por mentiroso; a minha ferida é incurável, sem que haja pecado em mim.

[7] Que homem há como Jó, que bebe a zombaria como água?

[8] E anda em companhia dos que praticam a iniqüidade e caminha com homens perversos?

[9] Pois disse: De nada aproveita ao homem o comprazer-se em Deus.

[31]A Iób, éist liom, agus bíodh aird agat orm! Bí i do thost, tá a thuilleadh le rá agam!

[32]Má tá aon ní le rá agat, freagair mé! Labhair amach, mar is fonnmhar a admhóinn thú a bheith gan choir.

[33]Mura bhfuil, tabhair cluas dom; Bí i do thost fad a bheidh mise ag teagasc na heagna duit.

Iób 34

Theip ar an Triúr

[1]Lean Eilíhiú air lena aitheasc agus dúirt:

[2]Éistigí lena bhfuil le rá agam, a shaoithe, Agus tugaigí cluas dom, a lucht an eolais.

[3]Óir déanann an chluas briathra a phromhadh, Mar a dhéanann an carball bia a bhlas.

[4]Faighimis amach dúinn féin cá bhfuil an ceart; Agus deimhnímis eadrainn féin céard is cóir.

[5]Dúirt Iób: "Táimse fíréanta, Ach dhiúltaigh Dia mo cheart dom.

[6]Tá breitheamh mo chúise i bhfaltanas liom, Is tinn é mo chréacht cé nach ndearna mé coir."

[7]An bhfuil a lán de leithéid Iób ann, A shlogann an sciolladh mar uisce?

[8]Agus a dhéanann caidreamh le lucht déanta an oilc Agus a shiúlann le hurchóidigh?

[9]Mar nár dhúirt sé: "Saothar in aisce é Do dhuine a bheith ag iarraidh Dia a shásamh."

[10] Pelo que vós, homens sensatos, escutai-me: longe de Deus o praticar ele a perversidade, e do Todo-Poderoso o cometer injustiça.

[11] Pois retribui ao homem segundo as suas obras e faz que a cada um toque segundo o seu caminho.

[12] Na verdade, Deus não procede maliciosamente; nem o Todo-Poderoso perverte o juízo.

[13] Quem lhe entregou o governo da terra? Quem lhe confiou o universo?

[14] Se Deus pensasse apenas em si mesmo e para si recolhesse o seu espírito e o seu sopro,

[15] toda a carne juntamente expiraria, e o homem voltaria para o pó.

[16] Se, pois, há em ti entendimento, ouve isto; inclina os ouvidos ao som das minhas palavras.

[17] Acaso, governaria o que aborrecesse o direito? E quererás tu condenar aquele que é justo e poderoso?

[18] Dir-se-á a um rei: Oh! Vil? Ou aos príncipes: Oh! Perversos?

[19] Quanto menos àquele que não faz acepção das pessoas de príncipes, nem estima ao rico mais do que ao pobre; porque todos são obra de suas mãos.

[20] De repente, morrem; à meia-noite, os povos são perturbados e passam, e os poderosos são tomados por força invisível.

[10]Éistigí dá bhrí sin liomsa, a lucht na heagna; Is fada ó Dhia an choirpeacht Agus an éagóir ón Uilechumhachtach.

[11]Déanann sé cúiteamh leis an duine de réir a oibreacha, Agus de réir bearta a shaoil a thugann sé luach saothair dó.

[12]Is léir nach ndéanfaidh Dia éagóir, Agus ní chlaonann an tUilechumhachtach an bhreith;

[13]Cé chuir an chruinne faoina chúram Agus an saol mór ina iontaoibh?

[14]Dá dtarraingeodh sé a spiorad ar ais chuige féin, Agus a anáil a bhailiú chuige féin,

[15]Gheobhadh gach feoil bás, Agus d'fhillfeadh an duine ar an gcré.

[16]Má tá aon tuiscint ionat, éist leis seo, Agus tabhair cluas dá bhfuil á rá agam:

[17]An mbeidh duine gur fuath leis an ceart i gceannas? An ndéanfaidh tú breitheamh na dtréan a dhaoradh?

[18]An té a thabharfadh “suarachán” ar a rí, Agus “coirpeach” ar thaoiseach,

[19]Agus nach mbeadh lé aige le flatha, Ná le saibhre thar na boicht, Mar gur óna láimh féin iad uile.

[20]Faigheann siad bás i bprapadh na súl; Dá thábhachtaí iad, éagann siad i lár na hoíche, Ní [aon nath leis] tíoránach a chur ar an éadreoir;

[21] Os olhos de Deus estão sobre os caminhos do homem e vêem todos os seus passos.

[22] Não há trevas nem sombra assaz profunda, onde se escondam os que praticam a iniqüidade.

[23] Pois Deus não precisa observar por muito tempo o homem antes de o fazer ir a juízo perante ele.

[24] Quebranta os fortes, sem os inquirir, e põe outros em seu lugar.

[25] Ele conhece, pois, as suas obras; de noite, os transtorna, e ficam moídos.

[26] Ele os fere como a perversos, à vista de todos;

[27] porque dele se desviaram, e não quiseram compreender nenhum de seus caminhos,

[28] e, assim, fizeram que o clamor do pobre subisse até Deus, e este ouviu o lamento dos aflitos.

[29] Se ele aquietar-se, quem o condenará? Se encobrir o rosto, quem o poderá contemplar, seja um povo, seja um homem?

[30] Para que o ímpio não reine, e não haja quem iluda o povo.

[31] Se alguém diz a Deus: Sofri, não pecarei mais;

[32] o que não vejo, ensina-mo tu; se cometi injustiça, jamais a tornarei a praticar,

[21]Óir tá súil aige ar iompar an duine, Agus faireann gach coiscéim dá ngabhann.

[22]Níl dorchadas ná scáil bháis ann, Ina bhféadfadh lucht an oilc dul i bhfolach.

[23]Óir ní dhearna sé coinne d'aon duine Le dul i láthair Dé i mbreithiúnas.

[24]Bascann sé cumhacht lucht an nirt gan fiosrú ina dtaobh, Agus cuireann dream eile ina n-áit.

[25]Tá fios a mbeart aige, Agus treascrann sé faon ar lár iad san oíche.

[26]Buaileann sé iad de bharr a gcoirpeachta, Agus [déanann cimí díobh] os comhair an tsaoil.

[27]“D'iompaíodar óna sheirbhís,” a deir tú, “Agus níor thóg siad ceann dá bhealaí go léir,

[28]I dtreo go dtáinig glao an duine bhoicht chun [Dé] Agus gur chuala sé glór an deibhleáin.

[29]D'fhan sé socair gan aon duine a dhaoradh; Nuair a cheileann sé a aghaidh, cé ar féidir dó é a fheiceáil?” Ach bíonn trócaire aige ar náisiún agus ar dhaoine,

[30]Agus saorann sé fiú an t-aindiaga ó ghreim na hainnise.

[31]Má deir duine le Dia: “Mealladh mé, ní le hurchóid a rinne mé beart.

[32]Má pheacaigh mé, cuir in iúl dom é! Má bhí mé éagórach, ní bheidh mé amhlaidh arís.”

[33] acaso, deve ele recompensar-te segundo tu queres ou não queres? Acaso, deve ele dizer-te: Escolhe tu, e não eu; declara o que sabes, fala?

[34] Os homens sensatos dir-me-ão, dir-me-á o sábio que me ouve:

[35] Jó falou sem conhecimento, e nas suas palavras não há sabedoria.

[36] Tomara fosse Jó provado até ao fim, porque ele respondeu como homem de iniqüidade.

[37] Pois ao seu pecado acrescenta rebelião, entre nós, com desprezo, bate ele palmas e multiplica as suas palavras contra Deus.

[33] - Sa chás sin ar chóir dó, dar leat, é a phionósú, Ós rud é go ndiúltaíonn tú dá bhreitheanna? Ón uair nach agamsa ach agatsa atá an rogha le déanamh, Abair céard atá ar eolas agat.

[34]An mhuintir thuisceanach go léir, Agus na saoithe i measc mo lucht éisteachta, déarfaidh siad liom:

[35]“Briathra gan ghaois a labhraíonn Iób, Agus níl aon tuiscint ina chuid cainte.”

[36]Ach déanfar Iób a phromhadh go ceann scríbe, Mar go bhfreagraíonn sé mar a dhéanfadh urchóidigh.

[37]Óir cuireann sé ceannairc mar bhreis lena pheaca, Ag [caitheamh amhrais faoin gcoir inár measc] Agus ag tabhairt masla ar mhasla do Dhia.

Jó 35

Deus não ouve os aflitos, porque estes não têm fé

[1] Disse mais Eliú:

[2] Achas que é justo dizeres: Maior é a minha justiça do que a de Deus?

[3] Porque dizes: De que me serviria ela? Que proveito tiraria dela mais do que do meu pecado?

[4] Dar-te-ei resposta, a ti e aos teus amigos contigo.

[5] Atenta para os céus e vê; contempla as altas nuvens acima de ti.

[6] Se pecas, que mal lhe causas tu? Se as tuas transgressões se multiplicam, que lhe fazes?

Iób 35

Oirchill Dé

[1]Lean Eilíhiú air lena aitheasc agus dúirt:

[2]An dóigh leat gur chóir duit A rá: “Táimse fíréanta i láthair Dé”?

[3]Agus ceist a chur air: “Cad é sin duitse? Cén dochar duitse é má dhéanaimse peaca?”

[4]Tabharfaidh mise freagra ort féin Agus ar do chairde chomh maith.

[5]Féach suas chun na spéartha, agus feic; Spiúnaigh na néalta go hard os do chionn.

[6]Má pheacaíonn tú, conas a sháraíonn tú é? Más líonmhar iad do chionta cén dochar a dhéanann tú dó?

[7] Se és justo, que lhe dás ou que recebe ele da tua mão?

[8] A tua impiedade só pode fazer o mal ao homem como tu mesmo; e a tua justiça, dar proveito ao filho do homem.

[9] Por causa das muitas opressões, os homens clamam, clamam por socorro contra o braço dos poderosos.

[10] Mas ninguém diz: Onde está Deus, que me fez, que inspira canções de louvor durante a noite,

[11] que nos ensina mais do que aos animais da terra e nos faz mais sábios do que as aves dos céus?

[12] Clamam, porém ele não responde, por causa da arrogância dos maus.

[13] Só gritos vazios Deus não ouvirá, nem atentará para eles o Todo-Poderoso.

[14] Jó, ainda que dizes que não o vês, a tua causa está diante dele; por isso, espera nele.

[15] Mas agora, porque Deus na sua ira não está punindo, nem fazendo muito caso das transgressões,

[16] abres a tua boca, com palavras vãs, amontoando frases de ignorante.

Jó 36

No sofrer do homem, Deus lhe visa o bem

[1] Prosseguiu Eliú e disse:

[7]Má bhíonn tú fíréanta, cad a bhronnann tú air? Agus cad a fhaigheann sé ó do láimh?

[8]Do chomharsa a bhíonn thíos le d'urchóid, Agus is leis an duine daonna a bhaineann do dheabhearta.

[9]Glaonn daoine os ard de bharr géarleanúintí, Agus bíonn siad ag cáiseamh de bharr forneart an tréin.

[10]Ach ní deir aon duine: “Cá bhfuil Dia, mo chruthaitheoir, An té a thugann fóirithint san oíche,

[11]Agus a dhéanann sinn níos gaoismheara ná ainmhithe na cruinne. Agus níos críonna ná éanlaith an aeir.”

[12]Glaonn siadsan, ach ní thugann sé freagra, De bharr dhíomas na n-urchóideach.

[13]Nach baoth a mheas go bhfuil Dia bodhar, Agus nach dtugann an tUilechumhachtach aon ní faoi deara.

[14]Deir tú: “Ní fheiceann sé mé; Tá mo chás curtha faoina bhraid, ach ní mór dom feitheamh fós!”

[15]Nó: “Ní chuireann a fhearg pionós i bhfeidhm, Ná ní dhealraíonn sé gur eol dó ceannairc na ndaoine.”

[16]Is le barr baoise a osclaíonn Iób a bhéal, Agus le teann aineolais a labhraíonn sé chomh fadálach sin.

Iób 36

Tá Ciall le Pionós Iób

[1]Lean Eilíhiú air ag caint agus dúirt:

[2] Mais um pouco de paciência, e te mostrarei que ainda tenho argumentos a favor de Deus.

[3] De longe trarei o meu conhecimento e ao meu Criador atribuirei a justiça.

[4] Porque, na verdade, as minhas palavras não são falsas; contigo está quem é senhor do assunto.

[5] Eis que Deus é mui grande; contudo a ninguém despreza; é grande na força da sua compreensão.

[6] Não poupa a vida ao perverso, mas faz justiça aos aflitos.

[7] Dos justos não tira os olhos; antes, com os reis, no trono os assenta para sempre, e são exaltados.

[8] Se estão presos em grilhões e amarrados com cordas de aflição,

[9] ele lhes faz ver as suas obras, as suas transgressões, e que se houveram com soberba.

[10] Abre-lhes também os ouvidos para a instrução e manda-lhes que se convertam da iniqüidade.

[11] Se o ouvirem e o servirem, acabarão seus dias em felicidade e os seus anos em delícias.

[12] Porém, se não o ouvirem, serão traspassados pela lança e morrerão na sua cegueira.

[2]Bí foighneach go fóill, agus taispeánfaidh mé duit, Óir tá breis le rá agam ar son Dé.

[3]Beidh argóintí liom ag teacht ón imigéin Agus mé á dheimhniú go bhfuil mo cruthaitheoir sa cheart.

[4]Níl bréag i mo ráite, bí deimhin de, Tá duine atá foirfe ina chuid eolais ag plé leat.

[5]Ní dhiúltaíonn Dia don té atá glan ó chroí;

[6]Ná ní fhágann an peacach i mbláth a chumhachta. Tugann sé a chuid don bhocht,

[7]Agus cosnaíonn cearta an fhíréin. Nuair a ardaíonn sé ríthe chun na corónach, Agus go dtagann díomas orthu de bharr a réime gan chrích,

[8]Cuireann sé i ngéibheann geimhleach iad, Go daingean i mbraighdeanas an anró.

[9]Fógraíonn sé a mbearta dóibh, Agus peacaí an uabhair a rinne siad.

[10]Cuireann sé cogar ina gcluais, Á áiteamh orthu casadh ó chosán a bpeacaí.

[11]Má éisteann siad agus rud a dhéanamh air, Bíonn an rath ar dheireadh a saoil, Agus a mblianta deiridh go sochma.

[12]Ach mura ndéanann siad, maraítear le faobhar claímh íad, Agus buaileann an bás iad gan choinne.

[13] Os ímpios de coração amontoam para si a ira; e, agrilhoados por Deus, não clamam por socorro.
[14] Perdem a vida na sua mocidade e morrem entre os prostitutos cultuais.
[15] Ao aflito livra por meio da sua aflição e pela opressão lhe abre os ouvidos.
[16] Assim também procura tirar-te das fauces da angústia para um lugar espaçoso, em que não há aperto, e as iguarias da tua mesa seriam cheias de gordura;
[17] mas tu te enches do juízo do perverso, e, por isso, o juízo e a justiça te alcançarão.
[18] Guarda-te, pois, de que a ira não te induza a escarnecer, nem te desvie a grande quantia do resgate.
[19] Estimaria ele as tuas lamúrias e todos os teus grandes esforços, para que te vejas livre da tua angústia?
[20] Não suspires pela noite, em que povos serão tomados do seu lugar.
[21] Guarda-te, não te inclines para a iniqüidade; pois isso preferes à tua miséria.
[22] Eis que Deus se mostra grande em seu poder! Quem é mestre como ele?
[23] Quem lhe prescreveu o seu caminho ou quem lhe pode dizer: Praticaste a injustiça?

Eliú exalta a majestade de Deus

[13]Déanann na héagráifigh ó chroí an fhearg a chothú Agus ní ghlaonn siad ag lorg cabhrach nuair a chraplann sé iad.
[14]Faigheann siad bás ina n-óige, Nó caitheann siad saol náireach;
[15]Ach saorann sé an mhuintir umhal lena n-ainnise, Agus osclaíonn a gcluasa le cruatan.
[16]Tá faoiseamh á bheartú aige duitse freisin; Bhí cónaí ort tráth i só gan teorainn, Agus sólais mhéithe ar do bhord.
[17]Ach ní dhearna tú na coirpigh a dhaoradh; Rinne tú slad ar chearta na ndílleachtaí.
[18]Seachain agus ná mealladh maoin thú, Agus ná déanadh breabanna teanna thú a chur amú.
[19]Cúisigh lucht na maoine chomh maith leis na boicht, Lucht an lámh láidir chomh maith leis an dream lag.
[20]Ná satail ar na daoine nach aithnid duit D'fhonn do ghaolta a chur ina n-áit.
[21]Seachain agus ná claon leis an olc, Mar sin é is cúis dáiríre le d'anró.

Moladh do Dhia

[22]Féach! tá Dia á mhóradh lena neart, Cé is teagascóir mar é?
[23]Cé a dúirt leis riamh céard a bhí le déanamh aige? Nó go raibh sé de dhánaíocht ann a rá: “Rinne tú éagóir”?

[24] Lembra-te de lhe magnificares as obras que os homens celebram.

[25] Todos os homens as contemplam; de longe as admira o homem.

[26] Eis que Deus é grande, e não o podemos compreender; o número dos seus anos não se pode calcular.

[27] Porque atrai para si as gotas de água que de seu vapor destilam em chuva,

[28] a qual as nuvens derramam e gotejam sobre o homem abundantemente.

[29] Acaso, pode alguém entender o estender-se das nuvens e os trovões do seu pavilhão?

[30] Eis que estende sobre elas o seu relâmpago e encobre as profundezas do mar.

[31] Pois por estas coisas julga os povos e lhes dá mantimento em abundância.

[32] Enche as mãos de relâmpagos e os dardeja contra o adversário.

[33] O fragor da tempestade dá notícias a respeito dele, dele que é zeloso na sua ira contra a injustiça.

Jó 37

[1] Sobre isto treme também o meu coração e salta do seu lugar.

[2] Dai ouvidos ao trovão de Deus, estrondo que sai da sua boca;

[3] ele o solta por debaixo de todos os céus, e o seu relâmpago, até aos confins da terra.

[24]Féach chuige go mórfaidh tú a oibreacha; Bhí siad go minic ina n-ábhar molta ag daoine.

[25]Is soiléir iad don saol mór, Agus tá radharc orthu ón imigéin.

[26]Is éachtach é Dia, agus sáraíonn sé ár n-eolas; Níl áireamh ar líon a bhlianta.

[27]Eisean a chuireann srian leis an mbáisteach Agus déanann sé na ceathanna a scaipeadh ina gceo;

[28]Bíonn na scamaill á sceitheadh Ina dtuilte ar an gcine daonna.

[29]Cé a thuigfeadh conas a leathann sé na scamaill, Nó a bhriseann an toirneach óna phailliún?

[30]Leathann sé a cheo ina thimpeall, Agus clúdaíonn sé barr na gcnoc.

[31]Leosan a dhéanann sé na pobail a chothú, Agus a dháileann sé bia go fial.

[32]Cnuasaíonn sé an tintreach ina mhám, Agus tugann treoir di i leith na sprice.

[33]Tugann an toirneach rabhadh é bheith ag teacht; Faigheann an fhearg an lámh in uachtar ar an urchóid.

Íób 37

[1]Suaitheann sé seo mo chroí féin, Agus preabann sé anonn ionam.

[2]Éist le glór a ghutha, Agus leis an tormán a thagann as a bhéal.

[3]Scaoileann sé a thintreach ar feadh stua na spéire, Agus sroicheann sí go himeall na cruinne.

[4] Depois deste, ruge a sua voz, troveja com o estrondo da sua majestade, e já ele não retém o relâmpago quando lhe ouvem a voz.

[5] Com a sua voz troveja Deus maravilhosamente; faz grandes coisas, que nós não compreendemos.

[6] Porque ele diz à neve: Cai sobre a terra; e à chuva e ao aguaceiro: Sede fortes.

[7] Assim, torna ele inativas as mãos de todos os homens, para que reconheçam as obras dele.

[8] E as alimárias entram nos seus esconderijos e ficam nas suas cavernas.

[9] De suas recâmaras sai o pé-de-vento, e, dos ventos do norte, o frio.

[10] Pelo sopro de Deus se dá a geada, e as largas águas se congelam.

[11] Também de umidade carrega as densas nuvens, nuvens que espargem os relâmpagos.

[12] Então, elas, segundo o rumo que ele dá, se espalham para uma e outra direção, para fazerem tudo o que lhes ordena sobre a redondeza da terra.

[13] E tudo isso faz ele vir para disciplina, se convém à terra, ou para exercer a sua misericórdia.

[14] Inclina, Jó, os ouvidos a isto, pára e considera as maravilhas de Deus.

[15] Porventura, sabes tu como Deus as opera e como faz resplandecer o relâmpago da sua nuvem?

[4]Búireann a ghuth ina diaidh, Agus torann maorga a thoirní. Ní chuireann sé srian lena [thintreach], Go dtí nach mbíonn a ghlór le clos a thuilleadh.

[5]Is éachtach mar a bhúireann Dia le tormán a ghutha, Agus is iontach na bearta dothuigthe a dhéanann sé.

[6]Óir deir sé leis an sneachta: “Tit ar an talamh!” Agus leis an tulca báistí: “Treise ort!”

[7]Cuireann sé an clabhsúr ar shaothar gach duine, I dtreo gurb eol do chách a oibreacha.

[8]Téann gach ainmhí ar ais ina bpluais, Agus i bhfolach ina bpruchóg.

[9]Tagann an t-anfa óna áras theas, Agus tugann an ghaoth aduaidh an fuacht léi.

[10]Sí anáil Dé a thugann an leac oighir, Agus fágann sin na linnte lána téachta.

[11]Cuireann sé an taise mar ualach ar na néalta; Agus scaipeann na scamaill toirní a thintreach.

[12]Treoraíonn sé féin a gcúrsa timpeall, Agus stiúraíonn sé a n-athruithe sa séasúr. Géilleann siad dá orduithe go beacht Ar fud an domhain mhóir,

[13]Cibé acu a [sheolann sé iad] d'fhonn cineócha na cruinne a phionósú, Nó d'fhonn oibreacha trócaire a chur i gcrích.

[14]Éist leis sin uile, a Iób! Stad agus machnaigh ar iontais Dé go léir!

[15]An eol duit conas a dhéanann Dia iad a smachtú, Agus conas a spréachann a néal an tintreach uaidh?

[16] Tens tu notícia do equilíbrio das nuvens e das maravilhas daquele que é perfeito em conhecimento?
[17] Que faz aquecer as tuas vestes, quando há calma sobre a terra por causa do vento sul?

[18] Ou estendeste com ele o firmamento, que é sólido como espelho fundido?

[19] Ensina-nos o que lhe diremos; porque nós, envoltos em trevas, nada lhe podemos expor.

[20] Contar-lhe-ia alguém o que tenho dito? Seria isso desejar o homem ser devorado.

[21] Eis que o homem não pode olhar para o sol, que brilha no céu, uma vez passado o vento que o deixa limpo.
[22] Do norte vem o áureo esplendor, pois Deus está cercado de tremenda majestade.
[23] Ao Todo-Poderoso, não o podemos alcançar; ele é grande em poder, porém não perverte o juízo e a plenitude da justiça.

[24] Por isso, os homens o temem; ele não olha para os que se julgam sábios.

Jó 38

O Senhor convence a Jó de ignorância

[1] Depois disto, o SENHOR, do meio de um redemoinho, respondeu a Jó:
[2] Quem é este que escurece os meus desígnios com palavras sem conhecimento?

[16]An eol duit conas a dhéanann sé na scamaill a chothromú, Agus cad í an intlíocht lena ndéanann sé an t-iontas seo?
[17]Tusa a mbíonn d'éadach te le do chneas, Agus an talamh ina chnap faoin ngaoth aneas,
[18]An féidir leat cabhrú leis stua na spéire a leathadh Agus é chomh crua le scáthán de mhiotal leáite?
[19]Múin dúinn cad tá le rá againn Mar nach féidir dúinn ár gcás a chur in iúl toisc an dorchadais.
[20]An gcuirfear in iúl gur mian liom labhairt? An ndéanfar duine a shlogadh nuair a labhróidh sé?
[21]Téann an solas ar ceal ar uaire Ar chúl na scamall dorcha; Ach tagann an ghaoth agus scuabann ar shiúl iad,
[22]Agus leathann gile ón aird thuaidh. Tá maorgacht eaglach uime ag Dia;
[23]Tá seisean, an tUilechumhachtach, i bhfad uainn. Is éachtach é a chumhacht agus a chothroime Agus ní chiapann sé an té a bhíonn ag cosaint a chirt.
[24]Ní ionadh gurb eagal le daoine é, Agus go bhfuil urraim ag an muintir chiallmhar croí dó.

Iób 38

Labhraíonn an tiarna
A Chéad Aitheasc: Eagna an Chruthaitheora

[1]D'fhreagair an Tiarna Iób ansin as an anfa gaoithe agus dúirt:

[2]Cé hé seo atá ag dorchú mo bheartas Le focail gan stuaim gan éifeacht?

[3] Cinge, pois, os lombos como homem, pois eu te perguntarei, e tu me farás saber.

[4] Onde estavas tu, quando eu lançava os fundamentos da terra? Dize-mo, se tens entendimento.

[5] Quem lhe pôs as medidas, se é que o sabes? Ou quem estendeu sobre ela o cordel?

[6] Sobre que estão fundadas as suas bases ou quem lhe assentou a pedra angular,

[7] quando as estrelas da alva, juntas, alegremente cantavam, e rejubilavam todos os filhos de Deus?

[8] Ou quem encerrou o mar com portas, quando irrompeu da madre;

[9] quando eu lhe pus as nuvens por vestidura e a escuridão por fraldas?

[10] Quando eu lhe tracei limites, e lhe pus ferrolhos e portas,

[11] e disse: até aqui virás e não mais adiante, e aqui se quebrará o orgulho das tuas ondas?

[12] Acaso, desde que começaram os teus dias, deste ordem à madrugada ou fizeste a alva saber o seu lugar,

[13] para que se apegasse às orlas da terra, e desta fossem os perversos sacudidos?

[14] A terra se modela como o barro debaixo do selo, e tudo se apresenta como vestidos;

[3]Cuir do chrios faoi do choim go fearúil; Cuirfidh mise na ceisteanna anois agus tabhairse na freagraí dom!

[4]Cá raibh tú nuair a leag mé síos máithreacha na cruinne? Inis dom é, os rud é go bhfuil tú chomh heolgaiseach!

[5]Cé chinntigh a tomhais, mar is eol duit sin, ar ndóigh? Agus cé shín an dorú ar a fad?

[6]Cad air a bhfuil ceapa a colúin ina luí? Agus cé a chuir a cloch chúinne ina leaba,

[7]Nuair a bhí réaltaí uile na maidine ag canadh le lúcháir, Agus clann Dé go léir ag glao le háthas?

[8]Cé a d'iaigh an mhuir isteach le comhlaí, Nuair a bhrúcht sí amach as an mbroinn?

[9]Nuair a chuir mé an néal mar éide uirthi, Agus an scamall dubh mar bhindealán uimpi.

[10]Chuir mé teorainn léi, Agus shocraigh mé barraí agus doirse di.

[11]Agus dúirt mé: “An fad seo a thiocfaidh tú, ach gan teacht thairis seo; Anseo a theilgfear do thonnta uaibhreacha droim ar ais.”

[12]Ar thug tú ordú don mhaidin riamh i do shaol? Ar thaispeáin tú a háit d'fháinne an lae?

[13]Chun go mbéarfadh sé greim ar imill an domhain Agus go ndéanfaí na héagráifigh a chroitheadh as,

[14]Agus sa chaoi go dtugtar a chruth chun léire mar a bhuailtear cló ar chré le séala, Agus go ndéantar é a dhathú mar bhrat,

[15] dos perversos se desvia a sua luz, e o braço levantado para ferir se quebranta.

[16] Acaso, entraste nos mananciais do mar ou percorreste o mais profundo do abismo?

[17] Porventura, te foram reveladas as portas da morte ou viste essas portas da região tenebrosa?

[18] Tens idéia nítida da largura da terra? Dize-mo, se o sabes.

[19] Onde está o caminho para a morada da luz? E, quanto às trevas, onde é o seu lugar,

[20] para que as conduzas aos seus limites e discirnas as veredas para a sua casa?

[21] Tu o sabes, porque nesse tempo eras nascido e porque é grande o número dos teus dias!

[22] Acaso, entraste nos depósitos da neve e viste os tesouros da saraiva,

[23] que eu retenho até ao tempo da angústia, até ao dia da peleja e da guerra?

[24] Onde está o caminho para onde se difunde a luz e se espalha o vento oriental sobre a terra?

[25] Quem abriu regos para o aguaceiro ou caminho para os relâmpagos dos trovões;

[26] para que se faça chover sobre a terra, onde não há ninguém, e no ermo, em que não há gente;

[15]Agus go mbaintear a solas de na héagráifigh, Agus go mbristear an ghéag a ardaíodh chun buille a bhualadh.

[16]An ndeachaigh tú síos i ndoimhne na farraige? Agus ar shiúil tú i ndiamhra an aigéin?

[17]Ar nochtadh duit doirse an éaga Nó an bhfaca tú geataí scáil an bháis?

[18]Ar mheas tú leithead na talún? Inis, más fios duit, a fairsinge dom.

[19]Cá bhfuil an tslí chun áit an tsolais? Agus dála an dorchadais, cá háit a bhfuil sé?

[20]Nach tusa a thugann leat chun a fhearannais é? Nach agatsa atá fios na slí chun a thísean?

[21]Is duitse is eol, ó rugadh an uair sin thú, Agus ós mór é líon do bhlianta.

[22]Ar ghabh tú isteach i dtaiscí an tsneachta? Nó an bhfaca tú stórais an chloch shneachta

[23]Atá a taisciú agam le haghaidh uain na hanacra, I gcomhair lá an chatha agus an chogaidh?

[24]Cá bhfuil an bealach go gabhal na tintrí Mar a scaipeann sí a lasair ar fud an domhain?

[25]Cé ghearr canáil don tuile Agus bealach don toirneach?

[26]Le go dtitfeadh uisce ar fhearann gan áitreabh daoine, Ar an bhfásach atá gan duine ann,

[27] para dessedentar a terra deserta e assolada e para fazer crescer os renovos da erva?
[28] Acaso, a chuva tem pai? Ou quem gera as gotas do orvalho?
[29] De que ventre procede o gelo? E quem dá à luz a geada do céu?
[30] As águas ficam duras como a pedra, e a superfície das profundezas se torna compacta.
[31] Ou poderás tu atar as cadeias do Sete-estrelo ou soltar os laços do Órion?
[32] Ou fazer aparecer os signos do Zodíaco ou guiar a Ursa com seus filhos?
[33] Sabes tu as ordenanças dos céus, podes estabelecer a sua influência sobre a terra?
[34] Podes levantar a tua voz até às nuvens, para que a abundância das águas te cubra?
[35] Ou ordenarás aos relâmpagos que saiam e te digam: Eis-nos aqui?
[36] Quem pôs sabedoria nas camadas de nuvens? Ou quem deu entendimento ao meteoro?
[37] Quem pode numerar com sabedoria as nuvens? Ou os odres dos céus, quem os pode despejar,
[38] para que o pó se transforme em massa sólida, e os torrões se apeguem uns aos outros?

[27]I dtreo go sásaítear an díthreabh uaigneach, Agus go n-eascrann an féar glas ón talamh a bhí tirim.
[28]An bhfuil athair ag an mbáisteach? Nó cé a ghin na cruinneaga drúchta?
[29]Cén bhroinn as a dtagann an leac oighir? Nó cé ghineann sioc liath na spéire,
[30]Nuair a chruann na huiscí ina gcarraig, Agus a théachtann dromchla na bóchna?
[31]An féidir duit an Treighdín a ghléasadh ina fhearas, Nó a cuibhreach a bhaint de Shlat an Rí?
[32]An dtig leat réalta na maidine a sheoladh ar a cúrsa ráithe ar ráithe, Nó an Camchéachta is a chuingir a threorú ar a mbealach?
[33]An eol duit reachta na spéire? An féidir duit a réim a shuíomh ar talamh?
[34]An dtig leat do ghuth a ardú chun na néalta, Agus iallach a chur ar na tuilte teanntaithe uisce [do thoil a dhéanamh]?
[35]An dtiocfaidh na splancanna tintrí ag géilleadh do do bhriathar Agus a rá: “Anseo dúinn!”?
[36]Cé a chuir an eagna sna néalta, Nó a thug tuiscint do mo scamall cumhdaigh?
[37]Cé a d'fhéadfadh na néalta a áireamh le críonnacht? Cé a d'fhéadfadh seithí uisce na bhflaitheas a chur ar leathmhaing,
[38]Nuair a dhlúthaíonn an smúit ina dlúmh, Agus a chruann na fóid le chéile ina mbalc?

[39] Caçarás, porventura, a presa para a leoa? Ou saciarás a fome dos leõezinhos,
[40] quando se agacham nos covis e estão à espreita nas covas?
[41] Quem prepara aos corvos o seu alimento, quando os seus pintainhos gritam a Deus e andam vagueando, por não terem que comer?

[39]An féidir duit a chreach a fhiach don leon, Nó goile na leon óg a shásamh,
[40]Agus iad ina luí ina bpluais Nó i luíochán ina mothar?
[41]Cé a dhéanann soláthar don bhadhbh, Nuair a scréachann a gearrcaigh chun Dé Agus a [scrogaill sínte] in airde acu le hocras?

Jó 39

[1] Sabes tu o tempo em que as cabras monteses têm os filhos ou cuidaste das corças quando dão suas crias?
[2] Podes contar os meses que cumprem? Ou sabes o tempo do seu parto?
[3] Elas encurvam-se, para terem seus filhos, e lançam de si as suas dores.
[4] Seus filhos se tornam robustos, crescem no campo aberto, saem e nunca mais tornam para elas.
[5] Quem despediu livre o jumento selvagem, e quem soltou as prisões ao asno veloz,
[6] ao qual dei o ermo por casa e a terra salgada por moradas?
[7] Ri-se do tumulto da cidade, não ouve os muitos gritos do arrieiro.
[8] Os montes são o lugar do seu pasto, e anda à procura de tudo o que está verde.
[9] Acaso, quer o boi selvagem servir-te? Ou passará ele a noite junto da tua manjedoura?

Íób 39

[1]An eol duit conas a bheireann an gabhar sléibhe a mheannán? Ar thug tú faoi deara na heilití ag breith?
[2]An eol duit an iomaí mí a bhíonn siad ag tórmach? An eol duit cathain a bheireann siad?
[3]Cúbann siad chucu ag breith a lao Agus saolaítear a n-óg dóibh [gan scáth san fhásach].
[4]Nuair a bhíonn toirt agus neart sna laonna, Imíonn siad leo, gan filleadh ar ais orthu.
[5]Cé a scaoil leis an asal fiáin? Cé a bhain an laincis den ghlamaire mear?
[6]Thug mé an fásach dó mar dhúchas, Agus na machairí salainn mar áit lonnaithe.
[7]Is beag air trácht na cathrach, Agus ní éisteann le glaonna tiománaí.
[8]Na sléibhte raon an fhéaraigh a thaistealann sé, Agus is ansiúd a lorgann sé aon ní glas.
[9]An bhfuil an damh allta sásta oibriú duit, Nó an oíche a chaitheamh ag do mhainséar?

[10] Porventura, podes prendê-lo ao sulco com cordas? Ou gradará ele os vales após ti?

[10]An féidir duit é a cheangal sa scríob le téada Nó an ndéanfaidh sé an gleann a fhuirseadh i do dhiaidh?

[11] Confiarás nele, por ser grande a sua força, ou deixarás a seu cuidado o teu trabalho?

[11]An féidir duit a bheith ag brath air de bharr a nirt éachtaigh, Agus ligean dó do thromshaothar a dhéanamh?

[12] Fiarás dele que te traga para a casa o que semeaste e o recolha na tua eira?

[12]An féidir duit a bheith ag brath air go bhfillfidh sé, Agus do ghrán a thabhairt chun d'urlár buailte?

[13] O avestruz bate alegre as asas; acaso, porém, tem asas e penas de bondade?

[13]An bhfuil aon dul ag sciathán na hostraise Ar chlúmh an chorr éisc agus an tseabhaic?

[14] Ele deixa os seus ovos na terra, e os aquenta no pó,

[14]Óir ligeann sí a huibheacha uaithi ar an talamh, Agus fágann ansiúd le gor ag an gcré iad,

[15] e se esquece de que algum pé os pode esmagar ou de que podem pisá-los os animais do campo.

[15]Gan cuimhneamh air go satlódh cos orthu, Nó go mbrúfadh ainmhí allta iad.

[16] Trata com dureza os seus filhos, como se não fossem seus; embora seja em vão o seu trabalho, ele está tranqüilo,

[16]Is garg a bhíonn sí lena gearrcaigh, amhail is nár léi iad; Is cuma léi más saothar in aisce a saothar.

[17] porque Deus lhe negou sabedoria e não lhe deu entendimento;

[17]Óir rinne Dia ar bheagán céille í, Agus níor thug aon chuid di sa tuiscint.

[18] mas, quando de um salto se levanta para correr, ri-se do cavalo e do cavaleiro.

[18]Ach nuair a bhíonn sí ag breith chuici féin agus go mbaineann sí feidhm as a hairde, Is féidir di gáire faoin each agus a mharcach.

[19] Ou dás tu força ao cavalo ou revestirás o seu pescoço de crinas?

[19]An tusa a thugann a chumas don each, Agus a chuireann an mhaing scuabach mar bhrat ar a mhuineál?

[20] Acaso, o fazes pular como ao gafanhoto? Terrível é o fogoso respirar das suas ventas.

[20]An tusa a chuireann ag léim é mar an dreoilín teaspaigh? - Nach mór an scanradh é a sheitreach maorga!

[21] Escarva no vale, folga na sua força e sai ao encontro dos armados.

[22] Ri-se do temor e não se espanta; e não torna atrás por causa da espada.

[23] Sobre ele chocalha a aljava, flameja a lança e o dardo.

[24] De fúria e ira devora o caminho e não se contém ao som da trombeta.

[25] Em cada sonido da trombeta, ele diz: Avante! Cheira de longe a batalha, o trovão dos príncipes e o alarido.

[26] Ou é pela tua inteligência que voa o falcão, estendendo as asas para o Sul?

[27] Ou é pelo teu mandado que se remonta a águia e faz alto o seu ninho?

[28] Habita no penhasco onde faz a sua morada, sobre o cimo do penhasco, em lugar seguro.

[29] Dali, descobre a presa; seus olhos a avistam de longe.

[30] Seus filhos chupam sangue; onde há mortos, ela aí está.

Jó 40

[1] Disse mais o SENHOR a Jó:

[2] Acaso, quem usa de censuras contenderá com o Todo-Poderoso? Quem assim argúi a Deus que responda.

[21]Bíonn sé ag crúbáil sa ghleann le bród as a neart. Téann sé i ngleo an chatha le pramsáil íogair.

[22]Gáireann sé faoin scéin, gan mairg ar bith air; Ní thugann sé a chúl leis an gclaíomh.

[23]Bíonn an bolgán saighead ag cleatráil ar a dhroim, Agus an tsleá lonrach, agus an ga.

[24]Cuireann sé na mílte de go mear le fraoch is cufach; Nuair a shéidtear an stoc ní féidir cosc a chur leis.

[25]Le gach séideadh den stoc, deir sé: "Hupsaí!" Faigheann sé boladh an chatha i bhfad i gcéin, Agus cloiseann liúireach na dtaoiseach agus an gheoin.

[26]An le comhairle d'eagnasa a éiríonn an seabhac sa spéir, Agus a leathann sé a sciatháin don turas ó dheas?

[27]An le hordú uaitse a eitlíonn an t-iolar in airde Agus a dhéanann sé a nead sna harda?

[28]Lonnaíonn sé agus neadaíonn ar an gcarraig, I ndaingean clochach na haille.

[29]Bíonn sé ag faire na seilge ón áit sin, Agus a shúile á spíonadh i bhfad uaidh.

[30]Déanann a ghearrcach fuil a shúrac; Mar a mbíonn na corpáin, ansiúd a bhíonn sé.

Iób 40

Dara hAitheasc an Tiarna

[1]Ansin dúirt an Tiarna le Iób:

[2]An bhfuil céile comhraic an Uilechumhachtaigh ar tí géilleadh? An

bhfuil freagra tagtha chun an té atá ag áiteamh le Dia?

A resposta humilde de Jó

3 Então, Jó respondeu ao SENHOR e disse:

4 Sou indigno; que te responderia eu? Ponho a mão na minha boca.

5 Uma vez falei e não replicarei, aliás, duas vezes, porém não prosseguirei.

As manifestações do poder de Deus

6 Então, o SENHOR, do meio de um redemoinho, respondeu a Jó:

7 Cinge agora os lombos como homem; eu te perguntarei, e tu me responderás.

8 Acaso, anularás tu, de fato, o meu juízo? Ou me condenarás, para te justificares?

9 Ou tens braço como Deus ou podes trovejar com a voz como ele o faz?

10 Orna-te, pois, de excelência e grandeza, veste-te de majestade e de glória.

11 Derrama as torrentes da tua ira e atenta para todo soberbo e abate-o.

12 Olha para todo soberbo e humilha-o, calca aos pés os perversos no seu lugar.

13 Cobre-os juntamente no pó, encerra-lhes o rosto no sepulcro.

14 Então, também eu confessarei a teu respeito que a tua mão direita te dá vitória.

3Ansin d'fhreagair Iób an Tiarna:

4Féach! Is beag le rá mise; cén freagra a thabharfaidh mé ortsa? Is fearr dom mo lámh a leagan ar mo bhéal, dá bhrí sin.

5Aon uair amháin a labhair mé, agus ní [labhróidh mé] athuair. Arís eile ní dhéanfaidh mé a thuilleadh.

6Ansin d'fhreagair an Tiarna Iób as an anfa gaoithe agus dúirt:

7Cuir do chrios faoi do choim go fearúil; Cuirfidh mise na ceisteanna anois agus tabhairse na freagraí.

8An dteastaíonn uait mo bhreith a bhréagnú, Mise a chur san éagcóir d'fhonn thú féin a chur sa chóir?

9An bhfuil neart Dé i do láimhse, An bhfuil glór toirní agat mar atá aigesean?

10Gabh chugat do dhínit agus do mhaorgacht más ea! Cuir umat do ghlóir is do loinnir!

11Scaoil le fraoch d'fheirge, Ísligh gach uaibhreach le silleadh do shúl.

12Treascair gach díomasach le silleadh do shúl, Agus leag ar lár na hurchóidigh ar an bhfód ina bhfuil siad.

13Adhlaic le chéile sa chré iad, Agus iaigh sa charcair íochtarach iad, gan focal as a mbéal.

14Beidh mise ar an gcéad duine ansin lena admháil, Gur féidir do do lámh dheas féin an bua a bhreith duit.

[15] Contempla agora o hipopótamo, que eu criei contigo, que come a erva como o boi.
[16] Sua força está nos seus lombos, e o seu poder, nos músculos do seu ventre.

[17] Endurece a sua cauda como cedro; os tendões das suas coxas estão entretecidos.

[18] Os seus ossos são como tubos de bronze, o seu arcabouço, como barras de ferro.
[19] Ele é obra-prima dos feitos de Deus; quem o fez o proveu de espada.
[20] Em verdade, os montes lhe produzem pasto, onde todos os animais do campo folgam.

[21] Deita-se debaixo dos lotos, no esconderijo dos canaviais e da lama.

[22] Os lotos o cobrem com sua sombra; os salgueiros do ribeiro o cercam.

[23] Se um rio transborda, ele não se apressa; fica tranqüilo ainda que o Jordão se levante até à sua boca.
[24] Acaso, pode alguém apanhá-lo quando ele está olhando? Ou lhe meter um laço pelo nariz?

Jó 41

[1] Podes tu, com anzol, apanhar o crocodilo ou lhe travar a língua com uma corda?

[2] Podes meter-lhe no nariz uma vara de junco? Ou furar-lhe as bochechas com um gancho?
[3] Acaso, te fará muitas súplicas? Ou te falará palavras brandas?

[15]Féach Bahaemót! rinne mé é mar aon leat; Itheann sé féar mar an damh
[16]Nach aige atá an neart ina leasracha, Agus an cumas i bhfeithleoga a bhoilg!
[17]Tá a eireaball chomh teann le crann céadair, Agus tá féithleoga a cheathrúna go daingean le chéile.
[18]Is cuma nó píopaí práis a chnámha, Agus is cuma a ghéaga nó sparaí iarainn.
[19]Eisean sárshaothar Dé, Ach bhagair a chruthaitheoir an claíomh air,
[20]Á chosc ó arda na sléibhte, Mar a mbíonn na hainmhithe allta go léir ag súgradh.
[21]Luíonn sé dá bhrí sin faoin loiteog, Agus téann i bhfolach i measc ghiolcach an bhogaigh;
[22]Faigheann sé scáth ó dhuilliúr na loiteoige, Agus fothain ó shaileoga an tsrutháin.
[23]Má sceitheann abhainn thar a bruacha, ní chuireann sé mairg air. Dá mbrúchtfadh an Iordáin [ina chraos], ba chuma leis.

[24]Cé a bhéarfaidh air ina uachais, Nó a chuirfidh bacán ar a chaincín?

[25]An féidir duit an Leiviatan a tharraingt amach ar dhubhán? Nó dorú a chur timpeall a theanga?

[26]An féidir duit fáinne a chur ar a shrón Nó dubhán a chur trína ghiall?
[27]An ndéanfaidh sé mórchuid impí chugat? Nó an meallfaidh sé thú le bladar?

[4] Fará ele acordo contigo? Ou tomá-lo-ás por servo para sempre?

[5] Brincarás com ele, como se fora um passarinho? Ou tê-lo-ás preso à correia para as tuas meninas?

[6] Acaso, os teus sócios negociam com ele? Ou o repartirão entre os mercadores?

[7] Encher-lhe-ás a pele de arpões? Ou a cabeça, de farpas?

[8] Põe a mão sobre ele, lembra-te da peleja e nunca mais o intentarás.

[9] Eis que a gente se engana em sua esperança; acaso, não será o homem derribado só em vê-lo?

[10] Ninguém há tão ousado, que se atreva a despertá-lo. Quem é, pois, aquele que pode erguer-se diante de mim?

[11] Quem primeiro me deu a mim, para que eu haja de retribuir-lhe? Pois o que está debaixo de todos os céus é meu.

[12] Não me calarei a respeito dos seus membros, nem da sua grande força, nem da graça da sua compostura.

[13] Quem lhe abrirá as vestes do seu dorso? Ou lhe penetrará a couraça dobrada?

[14] Quem abriria as portas do seu rosto? Pois em roda dos seus dentes está o terror.

[15] As fileiras de suas escamas são o seu orgulho, cada uma bem encostada como por um selo que as ajusta.

[16] A tal ponto uma se chega à outra, que entre elas não entra nem o ar.

[28]An ndéanfaidh sé margadh leat A bheith ina dhaor agat go brách?

[29]An ndéanfaidh tú peata de mar a dhéanfá d'éan Nó é a chur ar iall do do chailíní?

[30]An ndéanfaidh na cumainn iascairí é a dhíol Agus ansin é a roinnt ar na ceannaitheoirí?

[31]An ndéanfaidh tú a sheithe a chlúdach le bacáin, Nó a cheann le gathanna?

[32]Ní gá duit ach baint leis, Agus ní dhéanfaidh tú dearmad ar a chomhrac, ná dul sa seans arís.

Iób 41

[1]Ba bhaoth é do dhóchas go deimhin, Mar dhéanfadh fiú radharc air duine a threascairt.

[2]Nuair a mhúsclaítear é, éiríonn sé fíochmhar, Ní féidir d'aon duine dul i ngleic leis.

[3]Cé a d'fhéadfadh é ionsaí agus teacht slán? Ní fhéadfadh neach faoin spéir.

[4]Ní bheidh mé i mo thost faoina ghéaga, Ná faoina neart éachtach, ná a chló gan cháim.

[5]Cé a d'fhéadfadh béal a chóta a oscailt Nó ropadh trína lúireach dhúbailte?

[6]Cé a d'fhéadfadh comhlaí a aghaidh a oscailt? Tá uafás mórthimpeall a fhiacal.

[7]Is cuma nó sraith sciath a dhroim, Agus séala cloch á n-iadh.

[8]Táid i ngar dá chéile, I dtreo nach dtéann aer eatarthu.

[17] Umas às outras se ligam, aderem entre si e não se podem separar.

[18] Cada um dos seus espirros faz resplandecer luz, e os seus olhos são como as pestanas da alva.

[19] Da sua boca saem tochas; faíscas de fogo saltam dela.

[20] Das suas narinas procede fumaça, como de uma panela fervente ou de juncos que ardem.

[21] O seu hálito faz incender os carvões; e da sua boca sai chama.

[22] No seu pescoço reside a força; e diante dele salta o desespero.

[23] Suas partes carnudas são bem pegadas entre si; todas fundidas nele e imóveis.

[24] O seu coração é firme como uma pedra, firme como a mó de baixo.

[25] Levantando-se ele, tremem os valentes; quando irrompe, ficam como que fora de si.

[26] Se o golpe de espada o alcança, de nada vale, nem de lança, de dardo ou de flecha.

[27] Para ele, o ferro é palha, e o cobre, pau podre.

[28] A seta o não faz fugir; as pedras das fundas se lhe tornam em restolho.

[29] Os porretes atirados são para ele como palha, e ri-se do brandir da lança.

[30] Debaixo do ventre, há escamas pontiagudas; arrasta-se sobre a lama, como um instrumento de debulhar.

[9]Táid i ngreim ina chéile, I dtreo go bhfuil siad go dlúth ina n-aonad.

[10]Nuair a ligeann sé sraoth, bladhmann solas uaidh, Agus bíonn a shúile mar dheargadh an dá néal.

[11]Tagann lóchrainn lonracha as a bhéal, Agus preabann mar a bheadh spréanna tine as.

[12]Tagann gal óna pholláirí Mar a bhíonn ó choire ar fiuchadh ar an tine.

[13]Cuireann a anáil sméaróidí trí thine, Agus tagann lasair as a bhéal.

[14]Tá an neart ag lonnú ina mhuineál, Agus tá an t-uafás ag damhsa os a chomhair.

[15]Dlúthaíonn a sprochaillí feola le chéile, Agus bíonn siad daingean dobhogtha air.

[16]Tá a chroí chomh teann le cloch, Chomh daingean leis an mbró íochtair.

[17]Nuair a éiríonn sé tagann scéin ar na [tonnta], Agus téann na [madhma] féin ar gcúl.

[18]Dá mbuailfeadh an claíomh é, ní chuirfeadh sé as dó, Ná an tsleá, ná an ga, ná an bhunsach.

[19]Is cuma leis iarann nó dias, práis nó adhmad críon.

[20]Ní chuireann saighead an teitheadh air, Agus is cuma leis clocha láimhe nó brobanna tuí.

[21]Is cuma leis bata nó giolcach, Agus gáireann sé faoi fhead na bunsaí.

[22]Tá sligí géara faoi thíos, Agus gluaiseann sé thar an gceachair mar bhráca.

[31] As profundezas faz ferver, como uma panela; torna o mar como caldeira de ungüento.

[32] Após si, deixa um sulco luminoso; o abismo parece ter-se encanecido.

[33] Na terra, não tem ele igual, pois foi feito para nunca ter medo.

[34] Ele olha com desprezo tudo o que é alto; é rei sobre todos os animais orgulhosos.

[23]Cuireann sé an duibheagán ar fiuchadh mar choire, Agus an fharraige ag brúchtaíl mar phota cumhráin.

[24]Fágann sé cosán glioscarnach ina dhiaidh, Agus bíonn mar a bheadh lomra geal ar na huiscí.

[25]Níl a leithéid eile ar talamh, Créatúr gan eagla.

[26]Féachann sé sa tsúil ar gach ní uaibhreach, Agus is rí é ar mhic an díomais.

Jó 42

A confissão de Jó

[1] Então, respondeu Jó ao SENHOR:

[2] Bem sei que tudo podes, e nenhum dos teus planos pode ser frustrado.

[3] Quem é aquele, como disseste, que sem conhecimento encobre o conselho? Na verdade, falei do que não entendia; coisas maravilhosas demais para mim, coisas que eu não conhecia.

[4] Escuta-me, pois, havias dito, e eu falarei; eu te perguntarei, e tu me ensinarás.

[5] Eu te conhecia só de ouvir, mas agora os meus olhos te vêem.

[6] Por isso, me abomino e me arrependo no pó e na cinza.

Deus repreende os três amigos de Jó

[7] Tendo o SENHOR falado estas palavras a Jó, o SENHOR disse também a Elifaz, o temanita: A minha ira se acendeu contra ti e contra os teus dois amigos; porque não

Iób 42

Freagra Iób

[1]D'fhreagair Iób an Tiarna agus dúirt:

[2]Tá a fhios agam gur féidir leat gach ní a dhéanamh, Agus nach bhfuil smaoineamh ar bith caillte ort.

[3]"Cé hé seo a cheileann comhairle Le briathar gan eolas?" Uime sin a dúirt mé nithe nár thuig mé, Nithe ró-iontacha narbh eol dom iad.

[4]Éist, le do thoil, agus labhróidh mé; "Cuirfidh mise ceist, agus tabhairse dom an t-eolas."

[5]Ní raibh agam ort ach clos tráchta, Ach anois chonaic mo shúile cinn thú.

[6]Ar an ábhar sin, séanfaidh mé mo bhriathra féin, Agus déanfaidh mé aithrí sa deannach agus sa luaithreach.

Dúnadh

[7]Nuair a bhí an méid sin ráite ag an Tiarna le Iób, dúirt an Tiarna le hEilífeaz ó Théamán: "Tá fraoch feirge orm i d'aghaidhse agus in aghaidh do bheirt chairde, mar nár inis sibh

dissestes de mim o que era reto, como o meu servo Jó.

8 Tomai, pois, sete novilhos e sete carneiros, e ide ao meu servo Jó, e oferecei holocaustos por vós. O meu servo Jó orará por vós; porque dele aceitarei a intercessão, para que eu não vos trate segundo a vossa loucura; porque vós não dissestes de mim o que era reto, como o meu servo Jó.

9 Então, foram Elifaz, o temanita, e Bildade, o suíta, e Zofar, o naamatita, e fizeram como o SENHOR lhes ordenara; e o SENHOR aceitou a oração de Jó.

Deus restaura a prosperidade de Jó

10 Mudou o SENHOR a sorte de Jó, quando este orava pelos seus amigos; e o SENHOR deu-lhe o dobro de tudo o que antes possuíra.

11 Então, vieram a ele todos os seus irmãos, e todas as suas irmãs, e todos quantos dantes o conheceram, e comeram com ele em sua casa, e se condoeram dele, e o consolaram de todo o mal que o SENHOR lhe havia enviado; cada um lhe deu dinheiro e um anel de ouro.

12 Assim, abençoou o SENHOR o último estado de Jó mais do que o primeiro; porque veio a ter catorze mil ovelhas, seis mil camelos, mil juntas de bois e mil jumentas.

13 Também teve outros sete filhos e três filhas.

an fhírinne fúm faoi mar a rinne mo shearbhónta Iób.

8Faighigí, dá bhrí sin, seacht dtarbh agus seacht reithe agus téigí go dtí mo shearbhónta Iób, agus ofrálaigí íobairt uileloiscthe ar bhur son féin; agus déanfaidh mo shearbhónta Iób guí ar bhur son. Éistfidh mé lena impí gan bhur mbaois a agairt oraibh nár inis sibh an ceart fúm faoi mar a rinne mo shearbhónta Iób.”

9D'imigh Eilífeaz óThéamán, Bildead ó Shiúach, agus Zófár ó Namát, leo d'fhonn déanamh mar a d'ordaigh an Tiarna, agus ghlac an Tiarna le guí Iób.

10Thug an Tiarna a mhaoin go léir ar ais do Iób, mar gur ghuigh sé ar son a chairde: agus thairis sin, thug an Tiarna dhá oiread a raibh aige cheana do Iób.

11A dhearthháireacha go léir agus a dheirfiúracha go léir, agus gach duine a raibh aithne acu air roimhe sin tháinig siad go léir á fhiosrú, agus shuigh siad chun boird leis ina theach. Bhí siad go báúil cneasta leis, ag tabhairt sóláis dó de bharr an oilc go léir a thug an Tiarna sa mhullach air. Thug gach duine díobh bonn airgid agus fáinne óir dó.

12Bheannaigh an Tiarna Iób i ndeireadh a shaoil thar mar a rinne i dtosach, ionas go raibh ceithre mhíle déag caora agus sé mhíle camall agus míle cuingir damh, agus míle asal baineann aige.

13Agus bhí seachtar mac agus triúr iníon aige.

[14] Chamou o nome da primeira Jemima, o da outra, Quezia, e o da terceira, Quéren-Hapuque.

[15] Em toda aquela terra não se acharam mulheres tão formosas como as filhas de Jó; e seu pai lhes deu herança entre seus irmãos.

[16] Depois disto, viveu Jó cento e quarenta anos; e viu a seus filhos e aos filhos de seus filhos, até à quarta geração.

[17] Então, morreu Jó, velho e farto de dias.

[14]Thug sé Imíomá ar an gcéad iníon, Cizíá ar an dara hiníon, agus Ceirin Hapúc ar an tríú hiníon.

[15]Agus ní raibh le fáil sa tír uile mná chomh sciamhach le iníonacha Iób. Agus thug a n-athair oidhreacht dóibh i measc a ndeartháireacha.

[16]Agus mhair Iób ina dhiaidh sin nó go raibh sé céad agus daichead bliain, go bhfaca a chlann féin agus clann a chlainne go dtí an ceathrú glúin. Agus mar sin d'éag Iób sa deireadh agus é ina sheanóir agus anonn sna blianta lána.

O livro dos Salmos

Livro I

Salmos 1 - 41

Salmo 1

Os justos e os ímpios

1 Bem-aventurado o homem que não anda no conselho dos ímpios, não se detém no caminho dos pecadores, nem se assenta na roda dos escarnecedores.

2 Antes, o seu prazer está na lei do SENHOR, e na sua lei medita de dia e de noite.

3 Ele é como árvore plantada junto a corrente de águas, que, no devido tempo, dá o seu fruto, e cuja folhagem não murcha; e tudo quanto ele faz será bem sucedido.

4 Os ímpios não são assim; são, porém, como a palha que o vento dispersa.

5 Por isso, os perversos não prevalecerão no juízo, nem os pecadores, na congregação dos justos.

6 Pois o SENHOR conhece o caminho dos justos, mas o caminho dos ímpios perecerá.

Salmo 2

O reinado do Ungido de Deus

1 Por que se enfurecem os gentios e os povos imaginam coisas vãs?

2 Os reis da terra se levantam, e os príncipes conspiram contra o SENHOR e contra o seu Ungido, dizendo:

Salm

Salm 1

An Chéad Leabhar

Fíorshonas

1Is aoibhinn don fhear nach leanann de chomhairle lucht na héagráifeachta; nach seasann i slí na bpeacach, agus nach suíonn i gcuideachta na sotalach;

2ach a bhfuil a dhúil i ndlí an Tiarna, agus a dhéanann machnamh air de lá agus d'oíche.

3Is cosúil an duine sin le crann a plandaíodh ar bhruach na habhann, a thugann a thoradh go tráthúil agus nach bhfeonn a dhuilleoga choíche. Bíonn an rath ar gach aon ní dá ndéanann sé.

4Ní amhlaidh do na héagráifigh, ní amhlaidh! ach mar cháith a scaiptear le gaoth.

5Ionas nach seasfaidh na héagráifigh sa bhreithiúnas ná na peacaigh i gcomhthionól na bhfíréan.

6Óir is cúram don Tiarna slí na bhfíréan, ach rachaidh slí na n-éagráifeach ar ceal.

Salm 2

Réimeas Chríost Rí

1Cad fáth a bhfuil na ciníocha á suaitheadh agus na náisiúin ag beartú gan éifeacht?

2Éiríonn ríthe na cruinne, agus déanann na flatha comhcheilg le chéile in éadan an Tiarna agus a ungthaigh:

[3] Rompamos os seus laços e sacudamos de nós as suas algemas.
[4] Ri-se aquele que habita nos céus; o SENHOR zomba deles.
[5] Na sua ira, a seu tempo, lhes há de falar e no seu furor os confundirá.
[6] Eu, porém, constituí o meu Rei sobre o meu santo monte Sião.
[7] Proclamarei o decreto do SENHOR: Ele me disse: Tu és meu Filho, eu, hoje, te gerei.
[8] Pede-me, e eu te darei as nações por herança e as extremidades da terra por tua possessão.
[9] Com vara de ferro as regerás e as despedaçarás como um vaso de oleiro.
[10] Agora, pois, ó reis, sede prudentes; deixai-vos advertir, juízes da terra.
[11] Servi ao SENHOR com temor e alegrai-vos nele com tremor.
[12] Beijai o Filho para que se não irrite, e não pereçais no caminho; porque dentro em pouco se lhe inflamará a ira. Bem-aventurados todos os que nele se refugiam.

Salmo 3

Confiança em Deus, na adversidade

Salmo de Davi quando fugia de Absalão, seu filho

2 Sm 15.13-17,22

[1] SENHOR, como tem crescido o número dos meus adversários! São numerosos os que se levantam contra mim.

[3]“Réabaimis ó chéile a gcuibhreacha agus caithimis uainn a ngeimhle!”
[4]An té atá ar neamh, déanann sé gáire: déanann an Tiarna díol magaidh díobh.
[5]Labhraíonn sé ansin leo go feargach; cuireann scéin agus sceimhle orthu le corp cuthaigh:
[6]“Chuir mise mo rí féin i réimeas ar Shíón, ar mo shliabh naofa.”
[7]Foilseoidh mé reacht an Tiarna. “Is tú mo mhac,” a dúirt an Tiarna liom, “inniu is ea a ghin mé thú.
[8]Iarr orm agus tiomnóidh mé na ciníocha duit agus críocha na cruinne mar oidhreacht duit.
[9]Déanfaidh tú iad a bhriseadh le slat iarainn; brisfidh tú ina mbloghanna iad amhail soitheach cré.”
[10]Bígí críonna, dá bhrí sin, a ríthe; aire chugaibh! a rialtóirí na cruinne.
[11]Déanaigí fónamh don Tiarna le heagla agus tugaigí ómós dó go creathnach, sula gcuirfí fearg air, is go dtéadh sibh ar ceal nuair a bhladhmfaidh a fhearg go tobann. Is aoibhinn dá gcuireann a ndóchas ann.

Salm 3

Muinín as Dia

[1]*Salm Dháiví an uair a theith sé óna mhac Aibseálóm.*

[2]A Thiarna, nach líonmhar iad mo naimhde! Tá mórán daoine ag éirí amach i m'éadan!

[2] São muitos os que dizem de mim: Não há em Deus salvação para ele.

[3] Porém tu, SENHOR, és o meu escudo, és a minha glória e o que exaltas a minha cabeça.

[4] Com a minha voz clamo ao SENHOR, e ele do seu santo monte me responde.

[5] Deito-me e pego no sono; acordo, porque o SENHOR me sustenta.

[6] Não tenho medo de milhares do povo que tomam posição contra mim de todos os lados.

[7] Levanta-te, SENHOR! Salva-me, Deus meu, pois feres nos queixos a todos os meus inimigos e aos ímpios quebras os dentes.

[8] Do SENHOR é a salvação, e sobre o teu povo, a tua bênção.

Salmo 4

Confiança em Deus, na angústia

Salmo de Davi ao mestre de canto, com instrumentos de cordas

[1] Responde-me quando clamo, ó Deus da minha justiça; na angústia, me tens aliviado; tem misericórdia de mim e ouve a minha oração.

[2] Ó homens, até quando tornareis a minha glória em vexame, e amareis a vaidade, e buscareis a mentira?

[3] Sabei, porém, que o SENHOR distingue para si o piedoso; o SENHOR me ouve quando eu clamo por ele.

[4] Irai-vos e não pequeis; consultai no travesseiro o coração e sossegai.

[3] Is iomaí duine a deir mar gheall orm: “Níl slánú ar bith dó i nDia.”

[4] Ach is tú, a Thiarna, mo sciath; mo ghlóir a thógann mo cheann.

[5] Nuair a ghlaoim ar an Tiarna os ard tugann sé freagra orm óna shliabh naofa.

[6] Chuaigh mé a luí agus chodail mé; agus dhúisigh mé toisc gur chosain an Tiarna mé.

[7] Ní eagal liom na mílte daoine atá cruinnithe do gach leith i mo thimpeall.

[8] Éirigh, a Thiarna! Fóir orm, a Dhia! Óir buaileann tú mo naimhde uile sa phus agus briseann tú fiacla na bpeacach. A Thiarna an tslánaithe, beannaigh do mhuintir!

Salm 4

Urnaí Oíche

[1] *Do stiúrthóir an chóir; le gléasanna téad. Salm le Dáiví.*

[2] Éist liom is mé ag éamh ort, a Dhia na fíréantachta. D'fhuascail tú mé ó mo phianpháis, éist liom go trócaireach.

[3] A fheara, cá fhad dom faoi mhíchlú agus náire, agus sibhse ag tabhairt taitnimh don bhaois is don éitheach?

[4] Is é an Tiarna a roghnaíonn dó féin an duine diaga: éistfidh an Tiarna nuair a ghlaofaidh mé air.

[5] Bíodh eagla oraibh; ná peacaigí, déanaigí machnamh in bhur leaba.

[5] Oferecei sacrifícios de justiça e confiai no SENHOR.
[6] Há muitos que dizem: Quem nos dará a conhecer o bem? SENHOR, levanta sobre nós a luz do teu rosto.
[7] Mais alegria me puseste no coração do que a alegria deles, quando lhes há fartura de cereal e de vinho.
[8] Em paz me deito e logo pego no sono, porque, SENHOR, só tu me fazes repousar seguro.

[6] Déanaigí íobairtí córa, bíodh bhur ndóchas sa Tiarna agaibh.
[7] Is iomaí duine á rá: "Cé a nochtfaidh nithe fónta dúinn? Ardaigh solas do ghnúise os ár gcionn, a Thiarna."
[8] Is mó a chuir tusa d'aoibhneas i mo chroí ná iad siúd de bharr flúirse aráin agus fíona.
[9] Rachad a luí faoi shuaimhneas: déanfad codladh go sámh, óir is tú amháin, a Thiarna, a choimeádann ó bhaol mé.

Salmo 5

Proteção contra os ímpios

Ao mestre de canto, para flautas. Salmo de Davi

[1] Dá ouvidos, SENHOR, às minhas palavras e acode ao meu gemido.
[2] Escuta, Rei meu e Deus meu, a minha voz que clama, pois a ti é que imploro.

[3] De manhã, SENHOR, ouves a minha voz; de manhã te apresento a minha oração e fico esperando.

[4] Pois tu não és Deus que se agrade com a iniqüidade, e contigo não subsiste o mal.
[5] Os arrogantes não permanecerão à tua vista; aborreces a todos os que praticam a iniqüidade.

[6] Tu destróis os que proferem mentira; o SENHOR abomina ao sanguinário e ao fraudulento;

[7] porém eu, pela riqueza da tua misericórdia, entrarei na tua casa e me

Salm 5

Urnaí a Iarraidh Treorú Dé

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Le gaothuirlisí. Salm le Dáiví.*
[2] Tabhair cluas do mo bhriathar, a Thiarna, agus éist le m'osna.
[3] Claon chun glór mo ghuí, a Rí liom is a Dhia!
[4] Óir is chugatsa a chuirim m'urnaí, a Thiarna; éisteann tú liom ar maidin. Ag faire is ag feitheamh dom ar maidin, cuirim chugat mo ghuí.
[5] Ní Dia tú lenarb áil an urchóid: ní mhaireann an t-olc leat.

[6] Ní sheasfaidh an scaothaire an fód os comhair do shúl.

[7] Is gráin leat lucht oibrithe an oilc; scriosann tú lucht éithigh. Is fuath leis an Tiarna an fear fuilteach agus an cealgaire claon.
[8] Rachadsa cheana i do theachsa trí líonmhaire do thrócaire; cromfaidh mé i

prostrarei diante do teu santo templo, no teu temor.

[8] SENHOR, guia-me na tua justiça, por causa dos meus adversários; endireita diante de mim o teu caminho;

[9] pois não têm eles sinceridade nos seus lábios; o seu íntimo é todo crimes; a sua garganta é sepulcro aberto, e com a língua lisonjeiam.

[10] Declara-os culpados, ó Deus; caiam por seus próprios planos. Rejeita-os por causa de suas muitas transgressões, pois se rebelaram contra ti.

[11] Mas regozijem-se todos os que confiam em ti; folguem de júbilo para sempre, porque tu os defendes; e em ti se gloriem os que amam o teu nome.

[12] Pois tu, SENHOR, abençoas o justo e, como escudo, o cercas da tua benevolência.

Salmo 6

Davi recorre à misericórdia de Deus

Ao mestre de canto, com instrumentos de oito cordas. Salmo de Davi

[1] SENHOR, não me repreendas na tua ira, nem me castigues no teu furor.

[2] Tem compaixão de mim, SENHOR, porque eu me sinto debilitado; sara-me, SENHOR, porque os meus ossos estão abalados.

[3] Também a minha alma está profundamente perturbada; mas tu, SENHOR, até quando?

do theampall naofa le heagla romhat, a Thiarna.

[9] Treoraigh mé a Thiarna, i d'fhíréantacht mar gheall ar mo naimhde; réitigh do shlí romham.

[10] Níl an fhírinne le fáil ina mbéal; tá cealg ina gcroí. Is uaigh ar leathadh a gcraos; is mealltach a dteanga.

[11] Agair do bhreithiúnas orthu, a Thiarna; go dteipe ar a mbearta; cuir an ruaig orthu de dheasca a gcionta óir d'éirigh siad i d'éadan.

[12] Bíodh áthas ar chách a ritheann chugat; gairdídís go brách; caomhnaigh an dream lenarb áil d'ainm chun go ndéana siad gairdeas ionat.

[13] Óir beannóidh tú an fíréan, a Thiarna; beidh do chineáltas amhail sciath ina thimpeall.

Salm 6

Urnaí in Am na Buartha

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Le gléasanna téad. Ar chláirseach na n-ocht dtéad. [Salm le] Dáiví.*

[2] A Thiarna, ná lochtaigh mé i d'fhearg agus ná cuir pionós orm is tú ar buile chugam.

[3] Déan trócaire orm, a Thiarna, óir is lagbhríoch mé; slánaigh mé, óir tá mo chorp á chiapadh,

[4] agus tá m'anam á chéasadh go géar, ach tusa, a Thiarna, cá fhad...?

[4] Volta-te, SENHOR, e livra a minha alma; salva-me por tua graça.

[5] Pois, na morte, não há recordação de ti; no sepulcro, quem te dará louvor?

[6] Estou cansado de tanto gemer; todas as noites faço nadar o meu leito, de minhas lágrimas o alago.

[7] Meus olhos, de mágoa, se acham amortecidos, envelhecem por causa de todos os meus adversários.

[8] Apartai-vos de mim, todos os que praticais a iniqüidade, porque o SENHOR ouviu a voz do meu lamento;

[9] o SENHOR ouviu a minha súplica; o SENHOR acolhe a minha oração.

[10] Envergonhem-se e sejam sobremodo perturbados todos os meus inimigos; retirem-se, de súbito, cobertos de vexame.

Salmo 7

Deus defende o justo contra o ímpio

Canto de Davi. Entoado ao Senhor, com respeito às palavras de Cuxe, benjamita

[1] SENHOR, Deus meu, em ti me refugio; salva-me de todos os que me perseguem e livra-me;

[2] para que ninguém, como leão, me arrebate, despedaçando-me, não havendo quem me livre.

[3] SENHOR, meu Deus, se eu fiz o de que me culpam, se nas minhas mãos há iniqüidade,

[5] Fill, a Thiarna, fuascail m'anam agus saor mé as ucht do bhuanghrá.

[6] Óir níl cuimhne ag aon neach ort i measc na marbh; cé a thabharfaidh moladh duit san uaigh?

[7] Tá tuirse orm de dheasca m'osnaíola, ním mo leaba le mo dheora gach oíche; fliuchaim mo tholg le huisce mo chinn.

[8] Tá mo shúil á snoí le dobrón: chuaigh sí in aois de dheasca mo naimhde go léir.

[9] Imígí uaim a lucht déanta na hurchóide, óir tá éiste ag an Tiarna le glór mo ghoil.

[10] Thug an Tiarna aird ar m'achainí; tá glactha ag an Tiarna le mo ghuí.

[11] Beidh náire is mórbhuaireamh ar mo naimhde uile. Cuirfear ar gcúl go tobann faoi náire iad.

Salm 7

Urnaí an Fhíréin atá faoi Ghéarleanúint

[1]*Amhrán éagaointeach (Siggayon) de chuid Dáiví a chan sé don Tiarna mar gheall ar Chuis an Biniáimineach.*

[2] A Thiarna, a Dhia liom, is tú mo dhídean; saor mé ar mo ghéarleantóirí agus fuascail mé,

[3] sula mbeiridís ar m'anam mar leon, do mo sciobadh leo gan fear mo tharrthála ann.

[4] A Thiarna Dia, má rinne mé an ní seo, má rinne mé urchóid le mo lámha,

[4] se paguei com o mal a quem estava em paz comigo, eu, que poupei aquele que sem razão me oprimia,

[5] persiga o inimigo a minha alma e alcance-a, espezinhe no chão a minha vida e arraste no pó a minha glória.

[6] Levanta-te, SENHOR, na tua indignação, mostra a tua grandeza contra a fúria dos meus adversários e desperta-te em meu favor, segundo o juízo que designaste.

[7] Reúnam-se ao redor de ti os povos, e por sobre eles remonta-te às alturas.

[8] O SENHOR julga os povos; julga-me, SENHOR, segundo a minha retidão e segundo a integridade que há em mim.

[9] Cesse a malícia dos ímpios, mas estabelece tu o justo; pois sondas a mente e o coração, ó justo Deus.

[10] Deus é o meu escudo; ele salva os retos de coração.

[11] Deus é justo juiz, Deus que sente indignação todos os dias.

[12] Se o homem não se converter, afiará Deus a sua espada; já armou o arco, tem-no pronto;

[13] para ele preparou já instrumentos de morte, preparou suas setas inflamadas.

[14] Eis que o ímpio está com dores de iniqüidade; concebeu a malícia e dá à luz a mentira.

[15] Abre, e aprofunda uma cova, e cai nesse mesmo poço que faz.

[5] má thug mé an t-olc in aghaidh na maitheasa do mo chara, má chreach mé mo namhaid gan chúis -

[6] go leana mo namhaid mé is go mbeire sé orm, go ngabha sé de chosa i m'anam, is go leaga sé m'oineach sa luaithreach.

[7] Éirigh, a Thiarna, le corp feirge: éirigh in aghaidh buile mo namhad (a Dhia liom), dúisigh, ó d'fhógair tú breithiúnas.

[8] Tagadh comhthionól na gciníocha i do thimpeall: bí i do shuí os a gcionn in airde.

[9] Is é an Tiarna breitheamh na gciníocha. Tabhair breith orm, a Thiarna, de réir m'fhíréantachta agus de réir an ionracais atá ionam.

[10] Cuir deireadh le hurchóid na n-éagráifeach agus daingnigh na fíréin; os tú a thriaileann croí agus áranna, a Dhia na fíréantachta.

[11] Is é Dia mo sciath is mo dhídean a shaorann lucht an chroí dhírigh.

[12] Breitheamh ceart cóir é Dia, Dia a smachtaíonn in aghaidh an lae.

[13] Mura leasaíonn siad, cuirfidh sé faobhar ar a chlaíomh; teannfaidh sé agus díreoidh sé a bhogha;

[14] tá uirlisí marfacha gléasta aige agus saigheada mar chaora tine.

[15] Bhí an t-urchóideach torrach ar an olc ghabh sé an mhioscais agus shaolaigh an feall.

[16] D'oscail sé clais agus thochail í ach thit sé sa pholl a rinne sé.

[16] A sua malícia lhe recai sobre a cabeça, e sobre a própria mioleira desce a sua violência.
[17] Eu, porém, renderei graças ao SENHOR, segundo a sua justiça, e cantarei louvores ao nome do SENHOR Altíssimo.

[17] Fillfidh a mhioscais ar a bhaithis féin: ar a cheann féin a fhillfidh a fheall.

[18] Molfaidh mé an Tiarna as ucht a fhíréantachta: ceolfaidh mé don Tiarna, an Neach is Airde.

Salmo 8

A glória divina e a dignidade do filho do homem

Ao mestre de canto, segundo a melodia “Os lagares”. Salmo de Davi

[1] Ó SENHOR, SENHOR nosso, quão magnífico em toda a terra é o teu nome! Pois expuseste nos céus a tua majestade.
[2] Da boca de pequeninos e crianças de peito suscitaste força, por causa dos teus adversários, para fazeres emudecer o inimigo e o vingador.
[3] Quando contemplo os teus céus, obra dos teus dedos, e a lua e as estrelas que estabeleceste,
[4] que é o homem, que dele te lembres E o filho do homem, que o visites?
[5] Fizeste-o, no entanto, por um pouco, menor do que Deus e de glória e de honra o coroaste.
[6] Deste-lhe domínio sobre as obras da tua mão e sob seus pés tudo lhe puseste:
[7] ovelhas e bois, todos, e também os animais do campo;
[8] as aves do céu, e os peixes do mar, e tudo o que percorre as sendas dos mares.
[9] Ó SENHOR, SENHOR nosso, quão magnífico em toda a terra é o teu nome!

Salm 8

Maorgacht Dé agus Gradam an Duine

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Ar an “gittith”. Salm Dháiví.*
[2] A Thiarna, ár dTiarna, nach éachtach é d'ainm ar fud na cruinne! Moltar do mhaorgacht os cionn na spéartha
[3] as béal naíonán agus leanaí cíche. Bhunaigh tú daingean in aghaidh d'eascairde d'fhonn naimhde agus ceannaircigh a chloí.

[4] Nuair a fheicim na spéartha, saothar do mhéar - an ré agus na réaltaí a rinne tú -

[5] cad is duine ann go dtógfá ceann de? ná mac an duine go ndéanfá cúram de?

[6] Rinne tú beagán níos lú ná dia é gur chuir tú barr glóire agus gradaim air.

[7] Thug tú ceannas ar oibreacha do lámh dó agus chuir tú gach aon ní faoina chosa,
[8] idir chaoirigh agus eallaí agus eile agus ainmhithe uile an mhachaire,
[9] éanlaith an aeir agus iasc na mara agus a ngluaiseann ar raonta na farraige.
[10] A Thiarna, ár dTiarna, nach éachtach é d'ainm ar fud na cruinne!

Salmo 9

Ações de graças

Salm 9

Altú Buíochais

Ao mestre de canto, segundo a melodia “A morte para o filho”. Salmo de Davi

[1] Louvar-te-ei, SENHOR, de todo o meu coração; contarei todas as tuas maravilhas.

[2] Alegrar-me-ei e exultarei em ti; ao teu nome, ó Altíssimo, eu cantarei louvores.

[3] Pois, ao retrocederem os meus inimigos, tropeçam e somem-se da tua presença;

[4] porque sustentas o meu direito e a minha causa; no trono te assentas e julgas retamente.

[5] Repreendes as nações, destróis o ímpio e para todo o sempre lhes apagas o nome.

[6] Quanto aos inimigos, estão consumados, suas ruínas são perpétuas, arrasaste as suas cidades; até a sua memória pereceu.

[7] Mas o SENHOR permanece no seu trono eternamente, trono que erigiu para julgar.

[8] Ele mesmo julga o mundo com justiça; administra os povos com retidão.

[9] O SENHOR é também alto refúgio para o oprimido, refúgio nas horas de tribulação.

[10] Em ti, pois, confiam os que conhecem o teu nome, porque tu, SENHOR, não desamparas os que te buscam.

[11] Cantai louvores ao SENHOR, que habita em Sião; proclamai entre os povos os seus feitos.

[1] *Do stiúrthóir an chóir. Leis an bhfonn “Muth Labben”. Salm le Dáiví.*

[2] Béarfaidh mé buíochas duit, a Thiarna, ó mo chroí, go hiomlán, inseoidh mé do mhóréachtaí go léir.

[3] Déanfaidh mé lúcháir agus gairdeas ionat, canfaidh mé Salm do d'ainm, a Neach is Airde,

[4] toisc gur cuireadh mo naimhde ar gcúl; thuisligh siad agus cailleadh iad i d'fhianaise.

[5] Óir phléigh tú mo chúis go cothrom, i do shuí duit ar an mbinse i do bhreitheamh cóir.

[6] Lochtaigh tú na ciníocha, dhamnaigh tú na héagráifigh; scrios tú a n-ainm go brách na breithe.

[7] Tá na naimhde arna gcloí, arna milleadh go deo; leag tú a gcathracha ar lár; chuaigh a gcuimhne ar ceal.

[8] Tá an Tiarna faoi réim go brách; shocraigh sé a chathaoir a thabhairt breithiúnas.

[9] Tugann sé breith ar an gcruinne go cóir, agus ceart do na ciníocha go cothrom.

[10] Tá an Tiarna ina dhaingean dá mbíonn faoi chois, ina dhaingean in am na hiaróige;

[11] Cuireann do lucht aitheantais a ndóchas ionat óir ní thréigeann tú do lucht iarrtha, a Thiarna.

[12] Canaigí don Tiarna a bhfuil cónaí air i Síón: foilsígí a éachtaí do na náisiúin;

12 Pois aquele que requer o sangue lembra-se deles e não se esquece do clamor dos aflitos.

13 Óir chuimhnigh an díoltasaí fola orthu, ní dhearna dearmad ar éamh na mbocht.

13 Compadece-te de mim, SENHOR; vê a que sofrimentos me reduziram os que me odeiam, tu que me levantas das portas da morte;

14 Déan trócaire orm, a Thiarna; féach a bhfulaingím; d'ardaigh tú ó dhoirse an bháis mé,

14 para que, às portas da filha de Sião, eu proclame todos os teus louvores e me regozije da tua salvação.

15 d'fhonn go bhfoilsí mé do mholtaí go léir ag doirse iníne Síón agus go ndéana mé lúcháir i do shlánú.

15 Afundam-se as nações na cova que fizeram, no laço que esconderam, prendeu-se-lhes o pé.

16 Tá na ciníocha slogtha síos sa chlais a rinneadar féin: sa líon a d'fholaigh siad féin a gabhadh a gcosa.

16 Faz-se conhecido o SENHOR, pelo juízo que executa; enlaçado está o ímpio nas obras de suas próprias mãos.

17 Nocht an Tiarna é féin ina bhreitheamh cóir: tá beirthe ar na héagráifigh ina mbearta féin.

17 Os perversos serão lançados no inferno, e todas as nações que se esquecem de Deus.

18 Rachaidh na peacaigh ar ais go Seól - na náisiúin uile a rinne dearmad de Dhia.

18 Pois o necessitado não será para sempre esquecido, e a esperança dos aflitos não se há de frustrar perpetuamente.

19 Óir ní dhéanfar dearmad de lucht an ghátair i gcónaí; ní go deo a rachaidh dóchas na mbocht in éag.

19 Levanta-te, SENHOR; não prevaleça o mortal. Sejam as nações julgadas na tua presença.

20 Éirigh, a Thiarna! ná lig an bua leis an duine: tugtar breith ar na ciníocha i d'fhianaise.

20 Infunde-lhes, SENHOR, o medo; saibam as nações que não passam de mortais.

21 Scanraigh an croí iontu, a Thiarna; bíodh a fhios acu nach bhfuil iontu ach daoine. ***(Selah)***

Salmos 10

A derrubada dos ímpios

1 Por que, SENHOR, te conservas longe? E te escondes nas horas de tribulação?

Salm 10

Achainí a Iarraidh Cabhair Dé

1 Cad fáth a gcoinníonn tú amach uainn, a Thiarna? Cad fáth a ngabhann tú i bhfolach in am an bhuairimh?

[2] Com arrogância, os ímpios perseguem o pobre; sejam presas das tramas que urdiram.

[3] Pois o perverso se gloria da cobiça de sua alma, o avarento maldiz o SENHOR e blasfema contra ele.

[4] O perverso, na sua soberba, não investiga; que não há Deus são todas as suas cogitações.

[5] São prósperos os seus caminhos em todo tempo; muito acima e longe dele estão os teus juízos; quanto aos seus adversários, ele a todos ridiculiza.

[6] Pois diz lá no seu íntimo: Jamais serei abalado; de geração em geração, nenhum mal me sobrevirá.

[7] A boca, ele a tem cheia de maldição, enganos e opressão; debaixo da língua, insulto e iniqüidade.

[8] Põe-se de tocaia nas vilas, trucida os inocentes nos lugares ocultos; seus olhos espreitam o desamparado.

[9] Está ele de emboscada, como o leão na sua caverna; está de emboscada para enlaçar o pobre: apanha-o e, na sua rede, o enleia.

[10] Abaixa-se, rasteja; em seu poder, lhe caem os necessitados.

[11] Diz ele, no seu íntimo: Deus se esqueceu, virou o rosto e não verá isto nunca.

[12] Levanta-te, SENHOR! Ó Deus, ergue a mão! Não te esqueças dos pobres.

[2]Téann an t-éagráifeach ar thóir lucht na hainnise go díomasach agus ceaptar iad siúd sna bearta a bheartaigh sé.

[3]Óir maíonn an t-éagráifeach as mianta a chroí: déanann an santach diamhasla agus diúltaíonn don Tiarna.

[4]Deireann an drochdhuine le díomas: “Ní dhéanfaidh sé díoltas.” Deir sé ina intinn: “Níl Dia ar bith ann!”

[5]Éiríonn an bóthar leis i gcónaí agus is fada óna aigne do bhreitheanna. Is beag aige a naimhde uile.

[6]Deir sé ina chroí: “Ní chorrófar mé: Ní bhainfidh míshéan dom go brách.”

[7]Bíonn a bhéal lomlán de mhallachtaí agus fós de chealg is de bhréaga: bíonn urchóid is mioscais faoina theanga.

[8]Téann sé in oirchill i bhfogas na mionbhailte: dúnmharaíonn sé an neamhchiontach ina ionad folaigh. Bíonn a shúile ag faire an bhochtáin gan taca.

[9]Fanann sé faoi cheilt ar nós leoin ina uachais, fanann sé i bhfolach chun breith ar lucht na hainnise: beireann sé ar an ainniseoir agus tugann ina líon é.

[10]Cromann sé chun léim a thabhairt agus titeann an t-anbhann le treise a lámh.

[11]Deir sé ina chroí: “Ní cuimhin le Dia; folaíonn sé a aghaidh, ní fheiceann dada.”

[12]Éirigh, a Thiarna! Tóg do lámh, a Dhia! agus ná déan dearmad ar lucht na hainnise.

13 Por que razão despreza o ímpio a Deus, dizendo no seu íntimo que Deus não se importa?
14 Tu, porém, o tens visto, porque atentas aos trabalhos e à dor, para que os possas tomar em tuas mãos. A ti se entrega o desamparado; tu tens sido o defensor do órfão.
15 Quebranta o braço do perverso e do malvado; esquadrinha-lhes a maldade, até nada mais achares.
16 O SENHOR é rei eterno: da sua terra somem-se as nações.
17 Tens ouvido, SENHOR, o desejo dos humildes; tu lhes fortalecerás o coração e lhes acudirás,
18 para fazeres justiça ao órfão e ao oprimido, a fim de que o homem, que é da terra, já não infunda terror.

Salmo 11

O Senhor é forte refúgio
Ao mestre de canto. Salmo de Davi

1 No SENHOR me refugio. Como dizeis, pois, à minha alma: Foge, como pássaro, para o teu monte?

2 Porque eis aí os ímpios, armam o arco, dispõem a sua flecha na corda, para, às ocultas, dispararem contra os retos de coração.
3 Ora, destruídos os fundamentos, que poderá fazer o justo?
4 O SENHOR está no seu santo templo; nos céus tem o SENHOR seu trono; os seus

13Cad chuige don choirpeach drochmheas a chaitheamh le Dia, á rá ina chroí: “Ní imreoidh sé díoltas”?
14Feiceann tusa an trioblóid is an buaireamh ionas go bhféadfá cúram a dhéanamh díobh. Is ortsa atá a sheasamh ag an ainniseoir, is tú a thugann cúnamh don dílleachta.
15Déan cumhacht an éagráifigh agus an urchóidigh a bhriseadh, agair a n-urchóid orthu go ndéanfar a milleadh.
16Is é an Tiarna is rí go brách na breithe; rachaidh na ciníocha ar ceal as a fhearann.
17Éistfidh tú, a Thiarna, le mianta na mbocht; daingneoidh tú a gcroí agus tabharfaidh tú cluas dóibh,
18a sheasamh ceart na ndílleachtaí is an dream a d'fhulaing éigean ionas nach mbeadh an saoltánach ina chúis sceimhle dóibh feasta.

Salm 11

Muinín as Dia

1*Do stiúrthóir an chóir. [Salm] Dháiví.* Leis an Tiarna a fuair mé dídean; cén chaoi a déarfaidh sibh le m'anam: “Eitil, amhail éan, chun an tsléibhe.”
2Féach na peacaigh ag teannadh an bhogha; táid ag gléasadh a saighead ar an tsreang, á gcaitheamh leis an bhfíréan sa dorchacht.
3Ón uair a scriostar na fothaí cad is féidir leis an bhfíréan a dhéanamh.
4Tá an Tiarna ina theampall naofa, ar neamh atá a chathaoir ríoga.

olhos estão atentos, as suas pálpebras sondam os filhos dos homens.

5 O SENHOR põe à prova ao justo e ao ímpio; mas, ao que ama a violência, a sua alma o abomina.

6 Fará chover sobre os perversos brasas de fogo e enxofre, e vento abrasador será a parte do seu cálice.

7 Porque o SENHOR é justo, ele ama a justiça; os retos lhe contemplarão a face.

Breathnaíonn a shúile [na hísle]; tástálann siad clann na ndaoine.

5Féachann an Tiarna an fíréan is an t-ainfhíréan, is fuath leis fear an fhoréigin.

6Fearfaidh sé tine agus ruibh ar na peacaigh: gaoth fheannaideach loiscneach atá i ndán dóibh. b Is geal leis an Tiarna an fhíréantacht: agus feicfidh na fíréin a aghaidh.

Salmo 12

Auxílio contra a falsidade

Ao mestre de canto, para instrumentos de oito cordas. Salmo de Davi

1 Socorro, SENHOR! Porque já não há homens piedosos; desaparecem os fiéis entre os filhos dos homens.

2 Falam com falsidade uns aos outros, falam com lábios bajuladores e coração fingido.

3 Corte o SENHOR todos os lábios bajuladores, a língua que fala soberbamente,

4 pois dizem: Com a língua prevaleceremos, os lábios são nossos; quem é senhor sobre nós?

5 Por causa da opressão dos pobres e do gemido dos necessitados, eu me levantarei agora, diz o SENHOR; e porei a salvo a quem por isso suspira.

6 As palavras do SENHOR são palavras puras, prata refinada em cadinho de barro, depurada sete vezes.

Salm 12

A Iarraidh Coimirce Dé

1*Do stiúrthóir an chóir. Ar chláirseach na n-ocht dtéad. Salm Dháiví.*

2 Fóir orm, a Thiarna, óir níl fíréan le fáil, tá an fhírinne ar iarraidh i measc na hÁdhamhchlainne.

3 Insíonn gach aon duine bréaga dá chomharsa le beola bladair is le croí calaoiseach.

4 Go dteasca an Tiarna gach aon bhéal bréagach, gach teanga a bhíonn ag maíomh go sotalach díomasach;

5 gach dream a deir: “Inár dteanga atá ár neart, linn féin ár mbéal, cé a dhéanfaidh ár smachtú?”

6 “Toisc dearóile na ndealbh agus osnaíl na mbocht éireoidh mé féin anois,” arsa an Tiarna. “Tabharfaidh mé dóibh an slánú is mian leo.”

7 Briathra glana iad briathra an Tiarna, airgead athleáite a scar le slaidhreadh, airgead a triaileadh is a glanadh faoi sheacht.

[7] Sim, SENHOR, tu nos guardarás; desta geração nos livrarás para sempre.
[8] Por todos os lugares andam os perversos, quando entre os filhos dos homens a vileza é exaltada.

[8] Is tú a Thiarna, a dhéanfaidh cúram dínn: déanfaidh tú ár gcosaint ar an nglúin seo go brách. Tá triall na n-éagráifeach inár dtimpeall do gach leith agus daoscar na ndaoine faoi mheas ag clann Ádhaimh.

Salmo 13

Oração de fé

Ao mestre de canto. Salmo de Davi

[1] Até quando, SENHOR? Esquecer-te-ás de mim para sempre? Até quando ocultarás de mim o rosto?

[2] Até quando estarei eu relutando dentro de minha alma, com tristeza no coração cada dia? Até quando se erguerá contra mim o meu inimigo?

[3] Atenta para mim, responde-me, SENHOR, Deus meu! Ilumina-me os olhos, para que eu não durma o sono da morte;

[4] para que não diga o meu inimigo: Prevaleci contra ele; e não se regozijem os meus adversários, vindo eu a vacilar.

[5] No tocante a mim, confio na tua graça; regozije-se o meu coração na tua salvação.

[6] Cantarei ao SENHOR, porquanto me tem feito muito bem.

Salm 13

Impí chun Dé le linn Trioblóide

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Salm Dháiví.*

[2] Cá fhad, a Thiarna, a fhágfaidh tú i ndíchuimhne mé? Cá fhad a choinneoidh tú d'aghaidh i bhfolach orm?

[3] Cá fhad a mhairfidh m'anam á bhuaireamh agus cathú i mo chroí i gcaitheamh an lae? Cá fhad a choimeádfaidh mo namhaid faoina réir mé?

[4] Féach orm agus freagair mé a Thiarna, a Dhia liom. Soilsigh mo shúile sula dtitfidh codladh an bháis orm,

[5] sula ndéarfaidh mo namhaid go bhfuair sé an bua orm, sula ndéanfaidh m'eascairde lúcháir toisc gur thit mé.

[6] Chuir mise mo dhóchas i do bhuanghrá daingean, beidh áthas ar mo chroí de bharr do shlánaithe, agus molfaidh mé an Tiarna, mar go raibh sé fial liom.

Salmo 14

A corrupção do pecador e sua redenção

Salmo 53.1-6

Ao mestre de canto. Salmo de Davi

Salm 14

Na hAmadáin

[1] Diz o insensato no seu coração: Não há Deus. Corrompem-se e praticam abominação; já não há quem faça o bem.

[1]*Do stiúrthóir an chóir. [Salm le] Dáiví.* Deir an t-amadán ina chroí: “Níl aon Dia ann.” Tá siad truaillithe: déanann siad gníomhartha gránna; níl aon duine maith ann.

[2] Do céu olha o SENHOR para os filhos dos homens, para ver se há quem entenda, se há quem busque a Deus.

[2]Breathnaíonn an Tiarna ó neamh ar chlann na ndaoine go bhfeice sé an bhfuil tuiscint ag aon duine nó an iarrfaidh sé Dia.

[3] Todos se extraviaram e juntamente se corromperam; não há quem faça o bem, não há nem um sequer.

[3]Chuaigh siad uile ar seachrán; truaillíodh iad uile, níl neach ann a dhéanann an mhaith: níl oiread is duine.

[4] Acaso, não entendem todos os obreiros da iniqüidade, que devoram o meu povo, como quem come pão, que não invocam o SENHOR?

[4]An ea nach bhfuil ciall ag lucht an oilc? Slogann siad mo phobal go díreach mar a shlogfaí arán. Níor ghlaoigh siad ar an Tiarna.

[5] Tomar-se-ão de grande pavor, porque Deus está com a linhagem do justo.

[5]Beidh an dream sin ar crith le heagla, óir tá Dia leis an bhfíréan.

[6] Meteis a ridículo o conselho dos humildes, mas o SENHOR é o seu refúgio.

[6]Ba mhian libh dóchas an bhochtáin a mhilleadh, ach is é an Tiarna a dhídean.

[7] Tomara de Sião viesse já a salvação de Israel! Quando o SENHOR restaurar a sorte do seu povo, então, exultará Jacó, e Israel se alegrará.

[7]Á, go dtaga slánú Iosrael as Síón amach! Nuair a chasfaidh an Tiarna an rath ar a phobal, beidh áthas ar Iacób agus gairdeas ar Iosrael.

Salmo 15

O cidadão dos céus

Salmo de Davi

[1] Quem, SENHOR, habitará no teu tabernáculo? Quem há de morar no teu santo monte?

[2] O que vive com integridade, e pratica a justiça, e, de coração, fala a verdade;

Salm 15

Slí na Beatha Suthaine

[1]*Salm le Dáiví.* A Thiarna, cé dhéanfaidh cónaí i do bhoth? Cé lonnóidh ar do shliabh naofa?

[2]An té a shiúlann gan cháim; an té a dhéanann fíréantacht agus a labhraíonn go díreach óna chroí;

[3] o que não difama com sua língua, não faz mal ao próximo, nem lança injúria contra o seu vizinho;

[4] o que, a seus olhos, tem por desprezível ao réprobo, mas honra aos que temem ao SENHOR; o que jura com dano próprio e não se retrata;

[5] o que não empresta o seu dinheiro com usura, nem aceita suborno contra o inocente. Quem deste modo procede não será jamais abalado.

[3]an té nach ndéanann tromaíocht lena theanga; an té nach ndéanann olc dá chomharsa is nach dtugann masla don duine thall;

[4]an té ar beag aige an drochdhuine agus ar mór aige lucht eagla an Tiarna; an té nach ngabhann siar ar a bhriathar bíodh gur mhionnaigh chun a dhochair féin;

[5]nach gcuireann a chuid airgid ar úsaireacht, ‘s nach nglacann le breab in aghaidh an neamhchiontaigh. An té a dhéanfaidh amhlaidh ní bhainfear dá threoir é go brách.

Salmo 16

O Santo de Deus

Hino de Davi

[1] Guarda-me, ó Deus, porque em ti me refugio.

[2] Digo ao SENHOR: Tu és o meu SENHOR; outro bem não possuo, senão a ti somente.

[3] Quanto aos santos que há na terra, são eles os notáveis nos quais tenho todo o meu prazer.

[4] Muitas serão as penas dos que trocam o SENHOR por outros deuses; não oferecerei as suas libações de sangue, e os meus lábios não pronunciarão o seu nome.

[5] O SENHOR é a porção da minha herança e o meu cálice; tu és o arrimo da minha sorte.

[6] Caem-me as divisas em lugares amenos, é mui linda a minha herança.

Salm 16

Dia ár nOidhreacht

[1]*Mictam Dháiví.* Caomhnaigh mé a Thiarna, is ort a thriallaim.

[2]Deirim leis an Tiarna: “Is tú mo Dhia. Níl maith ar bith agam cés moite díotsa.”

[3]Chuir sé grá as cuimse ag borradh i mo chroí do na daoine dílse a mhaireann ina thír.

[4]An dream ar rogha leo a mhalairt de Dhia tiocfaidh tuilleadh mór fós de bhuartha anuas orthu. Ní thoirbhreoidh mé fuil a ndeochíobairt ar aon chor ná ní chluinfear a n-ainmneacha go brách ar mo bheola.

[5]Is é an Tiarna is rogha liom, mo chuid de réir oidhreachta; agus cuid mo chupáin; is ort atá mo sheasamh.

[6]Thit na téada tomhais dom in áiteanna áille: is aoibhinn liom go dearfa an oidhreacht a fuair mé.

[7] Bendigo o SENHOR, que me aconselha; pois até durante a noite o meu coração me ensina.

[8] O SENHOR, tenho-o sempre à minha presença; estando ele à minha direita, não serei abalado.

[9] Alegra-se, pois, o meu coração, e o meu espírito exulta; até o meu corpo repousará seguro.

[10] Pois não deixarás a minha alma na morte, nem permitirás que o teu Santo veja corrupção.

[11] Tu me farás ver os caminhos da vida; na tua presença há plenitude de alegria, na tua destra, delícias perpetuamente.

[7]Tugaim buíochas don Tiarna as ucht comhairle a thabhairt dom, agus teagasc a thabhairt do mo chroí san oíche.

[8]Coimeádaim an Tiarna de shíor i m'intinn: agus é ar mo dheasláimh ní chorrófar mé choíche.

[9]Tá gairdeas ar mo chroí agus áthas ar m'anam; agus ligfidh mo cholainn a scíth faoi dhóchas.

[10]Óir ní fhágfaidh tú m'anam i measc na marbh ná ní ligfidh tú do do mhuirneach truailliú a fheiceáil.

[11]Taispeánfaidh tú slí na beatha dom; tá lúcháir go fial i do láthair agus aoibhneas ar do dheasláimh go brách.

Salmo 17

Súplica pela proteção divina

Oração de Davi

[1] Ouve, SENHOR, a causa justa, atende ao meu clamor, dá ouvidos à minha oração, que procede de lábios não fraudulentos.

[2] Baixe de tua presença o julgamento a meu respeito; os teus olhos vêem com eqüidade.

[3] Sondas-me o coração, de noite me visitas, provas-me no fogo e iniqüidade nenhuma encontras em mim; a minha boca não transgride.

[4] Quanto às ações dos homens, pela palavra dos teus lábios, eu me tenho guardado dos caminhos do violento.

[5] Os meus passos se afizeram às tuas veredas, os meus pés não resvalaram.

Salm 17

Urnaí in aghaidh Lucht Géarleanúna

[1]*Urnaí Dháiví.* Éist le cúis chóir, a Thiarna; tabhair aird ar mo ghlór; tabhair cluas do m'urnaí nach dtagann as béal bréagach.

[2]Gurab uaitse a gheobhaidh mé breithiúnas; feiceann tusa an fhírinne.

[3]Cuardaigh mo chroí, tabhair cuairt orm san oíche, déan mo thástáil le tine agus ní bhfaighidh tú coir ionam.

[4]Níor pheacaigh mo bhéal de réir nós an duine; sheachnaigh mé an foréigean de réir bhriathra do bhéil.

[5]Ghreamaigh mo chéimeanna go daingean de do shlite, ní dheachaigh mo chosa ar fán ná ar fuaidreamh.

[6] Eu te invoco, ó Deus, pois tu me respondes; inclina-me os ouvidos e acode às minhas palavras.

[7] Mostra as maravilhas da tua bondade, ó Salvador dos que à tua destra buscam refúgio dos que se levantam contra eles.

[8] Guarda-me como a menina dos olhos, esconde-me à sombra das tuas asas,

[9] dos perversos que me oprimem, inimigos que me assediam de morte.

[10] Insensíveis, cerram o coração, falam com lábios insolentes;

[11] andam agora cercando os nossos passos e fixam em nós os olhos para nos deitar por terra.

[12] Parecem-se com o leão, ávido por sua presa, ou o leãozinho, que espreita de emboscada.

[13] Levanta-te, SENHOR, defronta-os, arrasa-os; livra do ímpio a minha alma com a tua espada,

[14] com a tua mão, SENHOR, dos homens mundanos, cujo quinhão é desta vida e cujo ventre tu enches dos teus tesouros; os quais se fartam de filhos e o que lhes sobra deixam aos seus pequeninos.

[15] Eu, porém, na justiça contemplarei a tua face; quando acordar, eu me satisfarei com a tua semelhança.

Salmo 18

Vitória e domínio

2Sm 22.1-51

[6]Gairim ort, a Dhia, agus tabharfaidh tú freagra orm: claon do chluas agus éist le mo bhriathar.

[7]Taispeáin dom do bhuanghrá ró-iontach, a Thiarna, a shaorann a dtriallann ort le neart do dheasláimhe.

[8]Déan mo chosaint mar mhac imreasan do shúile; folaigh mé faoi scáth do sciathán

[9]ar na peacaigh a imríonn éigean orm. Tá mo naimhde i mo thimpeall go feargach fraochta;

[10]a ndúrchroí dunta, a mbéal ag déanamh mórtais.

[11]Éiríonn siad i m'éadan, bailíonn siad i mo thimpeall, táid ag faire na faille d'fhonn mé a leagan ar lántalamh.

[12]Is cosúil iad le leoin ar thóir a gcreiche, le coileáin leoin i bhfolach sa dorchacht.

[13]Éirigh ina n-aghaidh, á dtreascairt, a Thiarna; saor m'anam ón éagráifeach le faobhar do chlaímh.

[14]Go saora do lámh mé, a Thiarna, ó dhaoine a bhfuil mian a gcroí i nithe an tsaoil seo. Líonann tú a mbolg as do líonmhaireacht go mbíonn díol a sáithe ag a gclann, agus go bhfágann siad fuíoll ag a leanaí.

[15]Feicfidh mise, áfach, do aghaidh i bhfíréantacht, agus ag dúiseacht dom sásófar mé le radharc do ghnúise.

Salm 18

Amhrán Buíochais agus Molta

Ao mestre de canto. Salmo de Davi, servo do Senhor, o qual dirigiu ao Senhor as palavras deste cântico, no dia em que o Senhor o livrou de todos os seus inimigos e das mãos de Saul. Ele disse:

[1] Eu te amo, ó SENHOR, força minha.

[2] O SENHOR é a minha rocha, a minha cidadela, o meu libertador; o meu Deus, o meu rochedo em que me refugio; o meu escudo, a força da minha salvação, o meu baluarte.

[3] Invoco o SENHOR, digno de ser louvado, e serei salvo dos meus inimigos.

[4] Laços de morte me cercaram, torrentes de impiedade me impuseram terror.

[5] Cadeias infernais me cingiram, e tramas de morte me surpreenderam.

[6] Na minha angústia, invoquei o SENHOR, gritei por socorro ao meu Deus. Ele do seu templo ouviu a minha voz, e o meu clamor lhe penetrou os ouvidos.

[7] Então, a terra se abalou e tremeu, vacilaram também os fundamentos dos montes e se estremeceram, porque ele se indignou.

[8] Das suas narinas subiu fumaça, e fogo devorador, da sua boca; dele saíram brasas ardentes.

[9] Baixou ele os céus, e desceu, e teve sob os pés densa escuridão.

[10] Cavalgava um querubim e voou; sim, levado velozmente nas asas do vento.

[11] Das trevas fez um manto em que se ocultou; escuridade de águas e espessas nuvens dos céus eram o seu pavilhão.

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Dáiví, giolla an Tiarna, a dúirt briathra an amhráin seo leis an Tiarna an uair a shaor an Tiarna é ó chumhacht a naimhde uile agus ó láimh Shóil. Dúirt sé:*

[2] Mó ghrá thú, a Thiarna, mo neart thú,

[3] mo charraig thú, mo dhaingean is mo shlánaitheoir. Mo Dhia thú, mo charraig is dídean dom, mo sciath, adharc mo shlánaithe, mo dhún.

[4] Glaoim ar an Tiarna dár dleacht moladh, agus déantar mo shaoradh ó mo naimhde.

[5] Tháinig tonnta an bháis i mo thimpeall agus scanraigh tuilte na hurchóide mé.

[6] Chrioslaigh cuibhreacha Sheól mé, chuaigh mé in achrann i líonta an éaga.

[7] Scairt mé ar an Tiarna i mo ghátar, agus d'iarr mé cúnamh ar mo Dhia Chuala sé mo ghlór ina theampall, agus ráinig mo ghlao a chluasa.

[8] Chrith an talamh agus suaitheadh é agus corraíodh fothaí na sléibhte toisc go raibh sé ar lasadh le barr feirge.

[9] D'éirigh deatach as polláirí a shróine, agus tine dhearghloiscneach as a bhéal, ionas gur adhnadh leis sméaróidí dearga.

[10] D'ísligh sé na spéartha agus thuirling sé, agus néal dubh dorcha faoina chosa.

[11] Tháinig sé ag marcaíocht ar cheiribín agus é ag eitilt ar eiteoga na gaoithe.

[12] Chuir sé uime an dorchacht mar éadach, uiscí dorcha is dlúthnéalta ba phuball dó.

[12] Do resplendor que diante dele havia, as densas nuvens se desfizeram em granizo e brasas chamejantes.

[13] Trovejou, então, o SENHOR, nos céus; o Altíssimo levantou a voz, e houve granizo e brasas de fogo.

[14] Despediu as suas setas e espalhou os meus inimigos, multiplicou os seus raios e os desbaratou.

[15] Então, se viu o leito das águas, e se descobriram os fundamentos do mundo, pela tua repreensão, SENHOR, pelo iroso resfolgar das tuas narinas.

[16] Do alto me estendeu ele a mão e me tomou; tirou-me das muitas águas.

[17] Livrou-me de forte inimigo e dos que me aborreciam, pois eram mais poderosos do que eu.

[18] Assaltaram-me no dia da minha calamidade, mas o SENHOR me serviu de amparo.

[19] Trouxe-me para um lugar espaçoso; livrou-me, porque ele se agradou de mim.

[20] Retribuiu-me o SENHOR, segundo a minha justiça, recompensou-me conforme a pureza das minhas mãos.

[21] Pois tenho guardado os caminhos do SENHOR e não me apartei perversamente do meu Deus.

[22] Porque todos os seus juízos me estão presentes, e não afastei de mim os seus preceitos.

[23] Também fui íntegro para com ele e me guardei da iniqüidade.

[13] As an ngile agus na néalta a bhí uime tháinig clocha sneachta agus splancacha tine.

[14] Bhí an Tiarna ag déanamh toirní sna spéartha, agus thug an Té is Airde a ghlór uaidh.

[15] Scaoil sé a shaigheada agus scaip iad, agus chaith a chaora tine gur threascair iad.

[16] Bhí foinsí na farraige le feiceáil agus nochtadh fothaí na cruinne de thoradh do bhagartha, a Thiarna, de thoradh sí gaoithe do chuid feirge.

[17] Shín sé anuas agus rug orm, agus tharraing as na tuilte móra mé.

[18] Shaor sé mé ón namhaid a bhí róláidir dom ó lucht m'fhuatha ba threise ná mé.

[19] D'ionsaíodar mé lá mo thubaiste, ach tharla an Tiarna ina thaca dom.

[20] Sheol sé amach in áit fhairsing mé, do mo tharrtháil as ucht a ghrá dom.

[21] Chúitigh an Tiarna m'fhíréantacht liom; thug luach saothair dom de réir glaine mo lámh,

[22] toisc gur choinnigh mé slite an Tiarna is nár imigh mé uaidh ar seachrán.

[23] Bhí a bhreithiúnais go léir os mo choinne, is níor chuir mé a reachtanna i leataobh uaim.

[24] Ach mhair mé gan cháim ina láthair, agus choimeádas mé féin ón gcoirpeacht.

[24] Daí retribuir-me o SENHOR, segundo a minha justiça, conforme a pureza das minhas mãos, na sua presença.

[25] Agus chúitigh an Tiarna m'fhíréantacht liom de réir glaine mo lámh ina láthair.

[25] Para com o benigno, benigno te mostras; com o íntegro, também íntegro.

[26] Is dílis tú don duine dílis, is ionraic tú leis an duine ionraic.

[26] Com o puro, puro te mostras; com o perverso, inflexível.

[27] Is glan tú le lucht na glaine, agus glic le lucht an ghlicis.

[27] Porque tu salvas o povo humilde, mas os olhos altivos, tu os abates.

[28] Óir saorfaidh tú lucht na huirísle ach umhlóidh tú lucht an díomais.

[28] Porque fazes resplandecer a minha lâmpada; o SENHOR, meu Deus, derrama luz nas minhas trevas.

[29] Is tusa, a Thiarna, mo lóchrann, mo Dhia thú, a shoilsíonn mo dhorchacht.

[29] Pois contigo desbarato exércitos, com o meu Deus salto muralhas.

[30] Is tríotsa a bhearnaím na sluaite; le cabhair Dé a ghabhaim de léim thar balla.

[30] O caminho de Deus é perfeito; a palavra do SENHOR é provada; ele é escudo para todos os que nele se refugiam.

[31] Tá slí Dé gan mháchail, tá briathar an Tiarna arna phromhadh. Is é is sciath go dearfa do chách a thriallann chuige.

[31] Pois quem é Deus, senão o SENHOR? E quem é rochedo, senão o nosso Deus?

[32] Óir cé eile is Dia ann ach an Tiarna? Cé eile is carraig ann seachas ár nDia?

[32] O Deus que me revestiu de força e aperfeiçoou o meu caminho,

[33] An Dia a chrioslaigh mé le calmacht agus a rinne mo bhealach sábháilte;

[33] ele deu a meus pés a ligeireza das corças e me firmou nas minhas alturas.

[34] a thug luas na heilite do mo chosa agus a chuir i mo sheasamh go daingean ar na harda mé.

[34] Ele adestrou as minhas mãos para o combate, de sorte que os meus braços vergaram um arco de bronze.

[35] D'oil sé mo lámh chun cogaidh is mo chuisle chun bogha práis a theannadh.

[35] Também me deste o escudo da tua salvação, a tua direita me susteve, e a tua clemência me engrandeceu.

[36] Thug tú dom sciath do shlánaithe agus choinnigh do dheaslámh go daingean mé.

[36] Alargaste sob meus passos o caminho, e os meus pés não vacilaram.

[37] Réitigh tú an tslí do mo chéimeanna, ionas nár shleamhnaigh mo chosa.

[37] Persegui os meus inimigos, e os alcancei, e só voltei depois de haver dado cabo deles.

[38] Chuaigh mé sa tóir ar mo naimhde: tháinig mé suas leo, agus níor chas mé go ndearna mé a scriosadh.

[38] Esmaguei-os a tal ponto, que não puderam levantar-se; caíram sob meus pés.
[39] Pois de força me cingiste para o combate e me submeteste os que se levantaram contra mim.
[40] Também puseste em fuga os meus inimigos, e os que me odiaram, eu os exterminei.
[41] Gritaram por socorro, mas ninguém lhes acudiu; clamaram ao SENHOR, mas ele não respondeu.
[42] Então, os reduzi a pó ao léu do vento, lancei-os fora como a lama das ruas.
[43] Das contendas do povo me livraste e me fizeste cabeça das nações; povo que não conheci me serviu.
[44] Bastou-lhe ouvir-me a voz, logo me obedeceu; os estrangeiros se me mostram submissos.
[45] Sumiram-se os estrangeiros e das suas fortificações saíram, espavoridos.
[46] Vive o SENHOR, e bendita seja a minha rocha! Exaltado seja o Deus da minha salvação,
[47] o Deus que por mim tomou vingança e me submeteu povos;
[48] o Deus que me livrou dos meus inimigos; sim, tu que me exaltaste acima dos meus adversários e me livraste do homem violento.

[39] Rinne mé a mbualadh ionas nach bhféadfaidís éirí agus thit siad ar lár faoi mo chosa.
[40] Chrioslaigh tú le neart mé chun catha, agus threascair tú an dream a bhí i m'éadan.
[41] Chuir tú ruaig is raon maidhme ar mo naimhde agus mhill tú an drong a thug fuath dom.
[42] Scairt siad - ní raibh fear a dtarrthála ann: bhí sé fuar acu glaoch ar an Tiarna.
[43] Ar nós na luaithe roimh an ngaoth a mheil mé iad, á gcosaráil amhail salachar na sráide.
[44] Tharrthaigh tú mé ó choimhlintí an phobail agus chuir tú os cionn na náisiún mé; rinne pobal nárbh eol dom fónamh dom,
[45] an túisce ba chlos dóibh ghéill siad. Tháinig na heachtrannaigh ag lútáil liom,
[46] mheathlaigh na náisiúin iasachta: tháinig siad as a ndaingne go critheaglach.
[47] Go maire an Tiarna! gura beannaithe mo charraig! go raibh Dia mo shlánaitheoir á mhóradh;
[48] an Dia a bhain díoltas amach dom agus a chuir na cinícha faoi mo smacht,
[49] a rinne mo shaoradh ó mo naimhde agus a d'ardaigh mé os cionn m'eascairde, agus a sciob mé ó lucht an éigin.

[49] Glorificar-te-ei, pois, entre os gentios, ó SENHOR, e cantarei louvores ao teu nome.

[50] É ele quem dá grandes vitórias ao seu rei e usa de benignidade para com o seu ungido, com Davi e sua posteridade, para sempre.

Salmo 19

A excelência da criação e da palavra de Deus

Ao mestre de canto. Salmo de Davi

[1] Os céus proclamam a glória de Deus, e o firmamento anuncia as obras das suas mãos.

[2] Um dia discursa a outro dia, e uma noite revela conhecimento a outra noite.

[3] Não há linguagem, nem há palavras, e deles não se ouve nenhum som;

[4] no entanto, por toda a terra se faz ouvir a sua voz, e as suas palavras, até aos confins do mundo. Aí, pôs uma tenda para o sol,

[5] o qual, como noivo que sai dos seus aposentos, se regozija como herói, a percorrer o seu caminho.

[6] Principia numa extremidade dos céus, e até à outra vai o seu percurso; e nada refoge ao seu calor.

[7] A lei do SENHOR é perfeita e restaura a alma; o testemunho do SENHOR é fiel e dá sabedoria aos símplices.

[50] Ar an ábhar sin tabharfaidh mé moladh duit i measc na náisiún, a Thiarna: agus canfaidh mé Salm do d'ainm;

[51] óir thug tú cathréimeanna do do rí, agus nocht tú do ghrá do d'ungthach, do Dháiví agus dá shliocht go brách.

Salm 19

Dia agus an Dúlra

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Salm le Dáiví.*

A

[2] Fógraíonn na spéartha glóir Dé agus foilsíonn an fhirmimint saothar a lámh.

[3] Insíonn na laethanta an scéal dá chéile agus tugann na hoícheannta an t-eolas dá chéile.

[4] Ní chluintear caint ná canúint ná briathar

[5] cé go ngabhann a nglór i ngach uile thír agus a bhfocail go críocha imchiana na cruinne. Is iontu a chuir sé a bhoth don ghrian

[6] a thagann mar nuachar amach as a sheomra ag gairdiú mar ghaiscíoch ag cur chun reatha.

[7] Tá a thriall amach as teorainn na spéire agus a iomchuairt thart chun na teorann eile, agus níl dul óna theas ag aon ní ar bith.

B

[8] Tá dlí an Tiarna gan cháim: athbheonn sé an t-anam. Is iontaofa í fianaise an Tiarna, a thugann eagna don fhíréan.

[8] Os preceitos do SENHOR são retos e alegram o coração; o mandamento do SENHOR é puro e ilumina os olhos.

[9] Is díreach iad forálacha an Tiarna: cuirid áthas ar an gcroí; is glan í aithne an Tiarna, soilsíonn sí na súile.

[9] O temor do SENHOR é límpido e permanece para sempre; os juízos do SENHOR são verdadeiros e todos igualmente, justos.

[10] Is íon í eagla an Tiarna, maireann sí go deo; is fíor iad reachtanna an Tiarna, táid uile go cóir.

[10] São mais desejáveis do que ouro, mais do que muito ouro depurado; e são mais doces do que o mel e o destilar dos favos.

[11] Is mó is so-mhianaithe iad ná ór, ná mínór dá ghlaine; agus is milse iad ná mil, ná mil ar sileadh ón gcíor.

[11] Além disso, por eles se admoesta o teu servo; em os guardar, há grande recompensa.

[12] Múineann siad eolas do do ghiolla; is cúis luaíochta a gcomhlíonadh.

[12] Quem há que possa discernir as próprias faltas? Absolve-me das que me são ocultas.

[13] Cé a fhéadfaidh a earráidí a aithint? ná leag orm mo pheacaí folaigh.

[13] Também da soberba guarda o teu servo, que ela não me domine; então, serei irrepreensível e ficarei livre de grande transgressão.

[14] Caomhnaigh do ghiolla ar an uabhar sula bhfaighe sé mo bhua; Ansin is ea a bheidh mé gan smál agus saor ó thrompheaca.

[14] As palavras dos meus lábios e o meditar do meu coração sejam agradáveis na tua presença, SENHOR, rocha minha e redentor meu!

[15] Go raibh briathra uile mo bhéil agus smaointe mo chroí taitneamhach leatsa, a Thiarna, a charraig liom, is a shlánaitheoir.

Salmo 20

Oração a favor do rei

Ao mestre de canto. Salmo de Davi

[1] O SENHOR te responda no dia da tribulação; o nome do Deus de Jacó te eleve em segurança.

[2] Do seu santuário te envie socorro e desde Sião te sustenha.

[3] Lembre-se de todas as tuas ofertas de manjares e aceite os teus holocaustos.

Salm 20

Urnaí ar son an Rí

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Salm le Dáiví.*

[2] Go n-éiste an Tiarna leat lá an bhuairimh: go gcumhdaí ainm Dia Iacóib thú!

[3] Go gcuire sé cúnamh chugat ón sanctóir agus go dtuga sé taca duit as Síón.

[4] Go mba cuimhin leis d'ofrálacha go léir: go mba taitneamhach leis d'íobairtí uileloiscthe.

[4] Conceda-te segundo o teu coração e realize todos os teus desígnios.
[5] Celebraremos com júbilo a tua vitória e em nome do nosso Deus hastearemos pendões; satisfaça o SENHOR a todos os teus votos.

[6] Agora, sei que o SENHOR salva o seu ungido; ele lhe responderá do seu santo céu com a vitoriosa força de sua destra.

[7] Uns confiam em carros, outros, em cavalos; nós, porém, nos gloriaremos em o nome do SENHOR, nosso Deus.

[8] Eles se encurvam e caem; nós, porém, nos levantamos e nos mantemos de pé.
[9] Ó SENHOR, dá vitória ao rei; responde-nos, quando clamarmos.

Salmo 21

Ações de graças pela vitória

Ao mestre de canto. Salmo de Davi

[1] Na tua força, SENHOR, o rei se alegra! E como exulta com a tua salvação!

[2] Satisfizeste-lhe o desejo do coração e não lhe negaste as súplicas dos seus lábios.
[3] Pois o supres das bênçãos de bondade; pões-lhe na cabeça uma coroa de ouro puro.

[4] Ele te pediu vida, e tu lha deste; sim, longevidade para todo o sempre.

[5] Go dtuga sé mianta do chroí duit, go gcomhlíona sé do bhearta go léir.

[6] Go ndéanaimid lúcháir as ucht do bhua, agus gairdeas in ainm ár nDé. Go ndeonaí an Tiarna d'achainíocha go léir duit.

[7] Is deimhin liom anois go bhfuil an bua tugtha ag an Tiarna dá ungthach; go bhfreagróidh sé óna fhlaitheas naofa le gníomhartha is le cumhacht a dheasláimhe.
[8] Bíonn dóchas droinge i gcarbaid agus dóchas droinge eile in eachra; cuirimidne, áfach, ár ndóchas in ainm an Tiarna, ár nDia.
[9] Treascrófar iad siúd agus titfidh siad; seasfaimidne an fód go daingean.
[10] Tabhair an bua don rí, a Thiarna, agus éist linn nuair a ghlaoimid ort.

Salm 21

Altú Buíochais

[1] *Do stiúrthóir an chóir. Salm le Dáiví.*
[2] Gairdíonn an rí as do chumhacht, a Thiarna, cá hionadh lúcháir air de chionn do chúnaimh!
[3] Thug tú mian a chroí go deimhin dó, is níor eitigh tú air achainíocha a bhéil.
[4] Tháinig tú ina airicis le beannachtaí búidhe, agus chuir tú coróin de ghlanór ar a cheann.
[5] D'iarr sé an bheatha ort agus bhronn tú fadsaol air a mhairfidh go brách ó aois go haois.

[5] Grande lhe é a glória da tua salvação; de esplendor e majestade o sobrevestiste.

[6] Pois o puseste por bênção para sempre e o encheste de gozo com a tua presença.

[7] O rei confia no SENHOR e pela misericórdia do Altíssimo jamais vacilará.

[8] A tua mão alcançará todos os teus inimigos, a tua destra apanhará os que te odeiam.

[9] Tu os tornarás como em fornalha ardente, quando te manifestares; o SENHOR, na sua indignação, os consumirá, o fogo os devorará.

[10] Destruirás da terra a sua posteridade e a sua descendência, de entre os filhos dos homens.

[11] Se contra ti intentarem o mal e urdirem intrigas, não conseguirão efetuá-los;

[12] porquanto lhes farás voltar as costas e mirarás o rosto deles com o teu arco.

[13] Exalta-te, SENHOR, na tua força! Nós cantaremos e louvaremos o teu poder.

Salmo 22

Sofrimento e vitória do Messias

Ao mestre de canto, segundo a melodia "Corça da manhã". Salmo de Davi

[1] Deus meu, Deus meu, por que me desamparaste? Por que se acham longe de

[6] Is mór é a ghradam de bharr do chúnaimh. Bronnann tú maorgacht agus maise rómhór air.

[7] Rinne tú ábhar beannachta go brách de; cuireann do láithreacht ríméad is lúcháir air.

[8] Tá dóchas an rí go daingean sa Tiarna: toisc bhuanghrá an Té is Airde ní dhéanfar a bhogadh.

[9] Béarfaidh do lámh ar d'eascairde go léir: béarfaidh do dheaslámh ar an dream a thugann fuath duit.

[10] Loiscfidh tú iad mar a dhéanfá i mbruithneach thine an uair a thaibhseoidh do ghnúis. Scriosfaidh an Tiarna ina dhíbheirg iad, agus déanfaidh an tine a slogadh.

[11] Scriosfaidh tú a sliocht den talamh agus a gclann as líon na ndaoine.

[12] Bíodh go mbeartóidís an t-olc i do choinne nó go gceapfaidís an chealg, ní éireoidh leo,

[13] Óir cuirfidh tú an ruaig is an teitheadh orthu agus teannfaidh tú do bhogha ina n-éadan.

[14] Éirigh, a Thiarna, i do neart: canfaimid agus ceiliúrfaimid do chumhacht.

Salm 22

Páis agus Caithréim Chríost

[1] *Do stiúrthóir an chóir. Leis an bhfonn "Eilit na Maidine". Salm le Dáiví.*

[2] A Dhia liom, a Dhia liom, cad chuige ar thréig tú mé? Is fada tú ó m'achainí agus ó bhriathra mo chneadaí.

minha salvação as palavras de meu bramido?

2 Deus meu, clamo de dia, e não me respondes; também de noite, porém não tenho sossego.

3 Contudo, tu és santo, entronizado entre os louvores de Israel.

4 Nossos pais confiaram em ti; confiaram, e os livraste.

5 A ti clamaram e se livraram; confiaram em ti e não foram confundidos.

6 Mas eu sou verme e não homem; opróbrio dos homens e desprezado do povo.

7 Todos os que me vêem zombam de mim; afrouxam os lábios e meneiam a cabeça:

8 Confiou no SENHOR! Livre-o ele; salve-o, pois nele tem prazer.

9 Contudo, tu és quem me fez nascer; e me preservaste, estando eu ainda ao seio de minha mãe.

10 A ti me entreguei desde o meu nascimento; desde o ventre de minha mãe, tu és meu Deus.

11 Não te distancies de mim, porque a tribulação está próxima, e não há quem me acuda.

12 Muitos touros me cercam, fortes touros de Basã me rodeiam.

13 Contra mim abrem a boca, como faz o leão que despedaça e ruge.

14 Derramei-me como água, e todos os meus ossos se desconjuntaram; meu

3 Ní éisteann tú, a Dhia, nuair a ghlaoim ort sa lá: Nuair a screadaim ort san oíche ní bhfaighim aon suaimhneas.

4 Ar a shon sin, is naofa thú, a Thiarna, agus tú i d'ábhar molta ag Iosrael.

5 Ionatsa a chuir ár n-aithreacha a ndóchas: bhí muinín acu asat agus shaor tú iad.

6 Nuair a ghlaoigh siad ort sábháladh iad: is ort a bhí a seasamh is níor chaill tú orthu.

7 Péist is ea mise; ní duine mé: táim i mo sceith béil ag na daoine agus i m'ábhar aithise ag an bpobal.

8 Gabhann a bhfeiceann mé ag fonóid fúm: croitheann siad a gceann agus pus orthu:

9 "Bhí a mhuinín as an Tiarna go saorfaí é: saoradh seisean é, más air atá a ghreann."

10 Is tú a thug amach as an mbroinn mé agus a thug dóchas dom is mé ar chíocha mo mháthar.

11 Ba leatsa mé ó lá mo bhreithe: ó bhroinn mo mháthar is tú mo Dhia.

12 Ná bí i bhfad uaim in am mo bhuartha; bí i m'aice, óir níl aon chabhair eile agam.

13 Is iomaí sin tarbh atá i mo thimpeall, tá tréantairbh Bháiseán thart orm.

14 Leathann siad a gcraos i mo choinne mar leon amplach agus é ag búiríl.

15 Doirtear amach mé mar uisce, tá mo chnámha arna scaoileadh ó chéile. Is

coração fez-se como cera, derreteu-se dentro de mim.

[15] Secou-se o meu vigor, como um caco de barro, e a língua se me apega ao céu da boca; assim, me deitas no pó da morte.

[16] Cães me cercam; uma súcia de malfeitores me rodeia; traspassaram-me as mãos e os pés.

[17] Posso contar todos os meus ossos; eles me estão olhando e encarando em mim.

[18] Repartem entre si as minhas vestes e sobre a minha túnica deitam sortes.

[19] Tu, porém, SENHOR, não te afastes de mim; força minha, apressa-te em socorrer-me.

[20] Livra a minha alma da espada, e, das presas do cão, a minha vida.

[21] Salva-me das fauces do leão e dos chifres dos búfalos; sim, tu me respondes.

[22] A meus irmãos declararei o teu nome; cantar-te-ei louvores no meio da congregação;

[23] vós que temeis o SENHOR, louvai-o; glorificai-o, vós todos, descendência de Jacó; reverenciai-o, vós todos, posteridade de Israel.

[24] Pois não desprezou, nem abominou a dor do aflito, nem ocultou dele o rosto, mas o ouviu, quando lhe gritou por socorro.

cosúil mo chroí le céir arna leá i lár mo chléibh.

[16] Shearg mo scornach mar shlige cré-umha, is tá mo theanga ag ceangal de mo charball: leagann tú i luaithreach an bháis mé.

[17] Tá mórán madraí i mo thimpeall ‘s táim crioslaithe ag gasra bithiúnach. Tollann siad mo lámha agus mo chosa;

[18] féadaim mo chnámha go léir a chomhaireamh. Baineann siad lán a súl asam go sásta.

[19] Roinneann siad mo chuid éadaigh eatarthu agus caitheann siad crainn ar mo chóta.

[20] Ach ná bíse i bhfad uaim, a Thiarna; mo chabhair thú! brostaigh chun mo chúnaimh.

[21] Déan m'anam a fhuascailt ón gclaíomh agus mo bheatha ó ghreim an mhadra.

[22] Saor mé ó bhéal an leoin agus m'anam bocht ó adharca na ndamh allta.

[23] Fógróidh mé d'ainm do mo bhráithre, molfaidh mé thú i lár do phobail.

[24] Molaigí an Tiarna, a mhuintir lenarb eagal é: tugaigí clú dó, a shliocht Iacóib go léir, tugaigí urraim dó, a shíol Iosrael ar fad;

[25] de bhrí nár bheag air an bochtán agus nár scorn leis riamh a ainnise. Níor cheil sé riamh a ghnúis air ach d'éist leis an uair a ghlaoigh sé air.

[25] De ti vem o meu louvor na grande congregação; cumprirei os meus votos na presença dos que o temem.

[26] Os sofredores hão de comer e fartar-se; louvarão o SENHOR os que o buscam. Viva para sempre o vosso coração.

[27] Lembrar-se-ão do SENHOR e a ele se converterão os confins da terra; perante ele se prostrarão todas as famílias das nações.

[28] Pois do SENHOR é o reino, é ele quem governa as nações.

[29] Todos os opulentos da terra hão de comer e adorar, e todos os que descem ao pó se prostrarão perante ele, até aquele que não pode preservar a própria vida.

[30] A posteridade o servirá; falar-se-á do SENHOR à geração vindoura.

[31] Hão de vir anunciar a justiça dele; ao povo que há de nascer, contarão que foi ele quem o fez.

Salmo 23

O Senhor é o meu pastor

Salmo de Davi

[1] O SENHOR é o meu pastor; nada me faltará.

[2] Ele me faz repousar em pastos verdejantes. Leva-me para junto das águas de descanso;

[3] refrigera-me a alma. Guia-me pelas veredas da justiça por amor do seu nome.

[26] De do thairbhe-se a thugaim moladh sa mhórthionól; comhlíonfaidh mé mo mhóideanna i láthair an dreama ar a mbíonn a eagla.

[27] Íosfaidh na bochtáin agus sásófar iad; molfaidh lucht a iarrtha an Tiarna. Go maire bhur gcroí go brách!

[28] Cuimhneoidh gach aird de chríocha na cruinne, cuimhneoidh an domhan uile agus casfaidh ar an Tiarna, agus adhrfaidh na ciníocha go léir ina fhianaise.

[29] Is leis an Tiarna an ceannas: rialaíonn sé na náisiúin

[30] agus adhrfaidh maithe móra an talaimh ina fhianaise: cromfaidh ina láthair a ngabhann síos sa luaithreach.

[31] Nuair nach beo don duine feasta beidh a shliocht ag fónamh dó ‘s ag tabhairt tuairisc an Tiarna do ghlúin atá le teacht.

[32] Foilseoidh siad a dhílse do phobal nár saolaíodh fós, á chur i gcéill dóibh gurb eisean a rinne an ní seo.

Salm 23

An tAoire Diaga

[1]*Salm le Dáiví.* Is é an Tiarna m'aoire: ní bheidh aon ní de dhíth orm.

[2]Cuireann sé féin i mo luí mé i móinéar féir ghlais. Seolann sé ar imeall an uisce mé

[3]mar a bhfaighim suaimhneas. Seolann sé ar shlí na fíréantachta mé mar gheall ar a ainm.

[4] Ainda que eu ande pelo vale da sombra da morte, não temerei mal nenhum, porque tu estás comigo; o teu bordão e o teu cajado me consolam.

[5] Preparas-me uma mesa na presença dos meus adversários, unges-me a cabeça com óleo; o meu cálice transborda.

[6] Bondade e misericórdia certamente me seguirão todos os dias da minha vida; e habitarei na Casa do SENHOR para todo o sempre.

[4]Fiú dá siúlfainn i ngleann an dorchadais, níor bhaol liom an t-olc agus tú faram le do shlat is do bhachall chun sólás a thabhairt dom.

[5]Cóiríonn tú bord chun béile dom i láthair mo naimhde. Ungann tú mo cheann le hola; tá mo chupa ag cur thairis.

[6]Leanfaidh cineáltas is buanghrá mé gach lá de mo shaol; i dteach an Tiarna a mhairfidh mé go brách na breithe.

Salmo 24

A vinda do Rei da Glória

Salmo de Davi

[1] Ao SENHOR pertence a terra e tudo o que nela se contém, o mundo e os que nele habitam.

[2] Fundou-a ele sobre os mares e sobre as correntes a estabeleceu.

[3] Quem subirá ao monte do SENHOR? Quem há de permanecer no seu santo lugar?

[4] O que é limpo de mãos e puro de coração, que não entrega a sua alma à falsidade, nem jura dolosamente.

[5] Este obterá do SENHOR a bênção e a justiça do Deus da sua salvação.

[6] Tal é a geração dos que o buscam, dos que buscam a face do Deus de Jacó.

[7] Levantai, ó portas, as vossas cabeças; levantai-vos, ó portais eternos, para que entre o Rei da Glória.

Salm 24

Sanctóir Dé

[1]*Salm le Dáiví.* Leis an Tiarna an talamh agus a lánmhaire, an domhan ar fad agus a maireann ann.

[2]Is é féin a bhunaigh ar an aigéan é agus a dhaingnigh ar an bhfarraige íochtarach é.

[3]Cé a rachaidh suas cnoc an Tiarna? Cé a bheidh ina sheasamh ina ionad naofa?

[4]An té a bhfuil lámh gan smál agus croí glan aige: an té ar beag air nithe gan tairbhe agus nach dtugann mionn éithigh dá chomharsa.

[5]Beidh beannacht an Tiarna ar an té sin agus luach saothair ó Dhia, a shlánaitheoir.

[6]A leithéid sin a bhíonn á lorg: a bhíonn ar thóir Dia Iacóib.

[7]Ardaigí bhur lindéir, a gheataí, agus tógtar na doirse cianaosta go dtaga Rí na glóire isteach!

[8] Quem é o Rei da Glória? O SENHOR, forte e poderoso, o SENHOR, poderoso nas batalhas.
[9] Levantai, ó portas, as vossas cabeças; levantai-vos, ó portais eternos, para que entre o Rei da Glória.
[10] Quem é esse Rei da Glória? O SENHOR dos Exércitos, ele é o Rei da Glória.

[8]Cé hé an Rí seo na glóire? An Tiarna atá láidir, tréan; an Tiarna atá tréan i gcogadh.
[9]Ardaigí bhur lindéir, a gheataí, agus tógtar na doirse cianaosta go dtaga Rí na glóire isteach!
[10]Cé hé an Rí seo na glóire? Is é an Tiarna é, Dia na slua, sin é Rí na gloire.

Salmo 25

Oração por auxílio divino
De Davi

[1] A ti, SENHOR, elevo a minha alma.

[2] Deus meu, em ti confio; não seja eu envergonhado, nem exultem sobre mim os meus inimigos.
[3] Com efeito, dos que em ti esperam, ninguém será envergonhado; envergonhados serão os que, sem causa, procedem traiçoeiramente.
[4] Faze-me, SENHOR, conhecer os teus caminhos, ensina-me as tuas veredas.

[5] Guia-me na tua verdade e ensina-me, pois tu és o Deus da minha salvação, em quem eu espero todo o dia.

[6] Lembra-te, SENHOR, das tuas misericórdias e das tuas bondades, que são desde a eternidade.
[7] Não te lembres dos meus pecados da mocidade, nem das minhas transgressões. Lembra-te de mim, segundo a tua misericórdia, por causa da tua bondade, ó SENHOR.

Salm 25

Treoir agus Maithiúnas á Lorg

[1]*Le Dáiví.* Is chugat a thógaim m'anam, a Thiarna:
[2]Is ionat a chuirim mo dhóchas, nár dhéantar mo náiriú, a Dhia; ná maíodh mo naimhde a mbua orm.

[3]Ní náireofar a gcuireann a ndóchas ionat ach an dream a fheallann gan ábhar ar iontaoibh.

[4]Taispeáin do shlite dom, a Thiarna, agus déan do chosáin a mhúineadh dom.
[5]Déan mo threorú i d'fhírinne, tabhair teagasc dom, óir is tú mo Dhia agus mo shlánaitheoir. Is ortsa a bhím ag feitheamh feadh an lae
[6]Bí ag cuimhneamh, a Thiarna, ar do thrócaire agus ar an ngrá a thaispeáin tú riamh.

[7]Ná cuimhnigh ar chionta m'óige b ach amháin ar do bhuanghrá féin. c mar gheall ar do chineáltas, a Thiarna.

[8] Bom e reto é o SENHOR, por isso, aponta o caminho aos pecadores.

[9] Guia os humildes na justiça e ensina aos mansos o seu caminho.

[10] Todas as veredas do SENHOR são misericórdia e verdade para os que guardam a sua aliança e os seus testemunhos.

[11] Por causa do teu nome, SENHOR, perdoa a minha iniqüidade, que é grande.

[12] Ao homem que teme ao SENHOR, ele o instruirá no caminho que deve escolher.

[13] Na prosperidade repousará a sua alma, e a sua descendência herdará a terra.

[14] A intimidade do SENHOR é para os que o temem, aos quais ele dará a conhecer a sua aliança.

[15] Os meus olhos se elevam continuamente ao SENHOR, pois ele me tirará os pés do laço.

[16] Volta-te para mim e tem compaixão, porque estou sozinho e aflito.

[17] Alivia-me as tribulações do coração; tira-me das minhas angústias.

[18] Considera as minhas aflições e o meu sofrimento e perdoa todos os meus pecados.

[19] Considera os meus inimigos, pois são muitos e me abominam com ódio cruel.

[20] Guarda-me a alma e livra-me; não seja eu envergonhado, pois em ti me refugio.

[8]Is grásmhar agus is ionraic é an Tiarna, taispeánann sé an tslí do na peacaigh.

[9]Díríonn sé dream na huirísle san fhíréantacht agus múineann a shlí don duine cneasta.

[10]Buanghrá is dílse cosáin uile an Tiarna dá gcomhlíonann a chonradh agus a aithne.

[11]Ar mhaithe le d'ainmse, a Thiarna, maith dom mo pheaca, óir is mór é.

[12]Cé hé an fear lenarb eagal an Tiarna? Déanfaidh sé eolas na slí is tofa dó.

[13]Mairfidh a anam faoi shéan agus faoi shonas agus gheobhaidh a shliocht an talamh.

[14]Tá gean an Tiarna ar lucht a eaglaithe agus is dóibh a fhoilsíonn sé a chonradh.

[15]Bíonn mo shúile ar an Tiarna de shíor óir scaoilfidh seisean mo chosa as an líon.

[16]Iompaigh i leith orm le trócaire, óir táimse i m'aonarán angarach.

[17]Tabhair faoiseamh don chroí atá cráite agus beir mé slán ón anacair.

[18]Tabhair do d'aire mo bhrón is mo bhuairt agus maith dom mo pheacaí go léir.

[19]Féach a líonmhaire atá mo naimhde, a bhfuil fuath thar fóir acu dom.

[20]Déan m'anam a chosaint, agus fuascail mé; nár náirítear mé toisc mo thriall a bheith ort.

[21] Preservem-me a sinceridade e a retidão, porque em ti espero.

[22] Ó Deus, redime a Israel de todas as suas tribulações.

Salmo 26

Apelo do justo
Salmo de Davi

[1] Faze-me justiça, SENHOR, pois tenho andado na minha integridade e confio no SENHOR, sem vacilar.

[2] Examina-me, SENHOR, e prova-me; sonda-me o coração e os pensamentos.

[3] Pois a tua benignidade, tenho-a perante os olhos e tenho andado na tua verdade.
[4] Não me tenho assentado com homens falsos e com os dissimuladores não me associo.

[5] Aborreço a súcia de malfeitores e com os ímpios não me assento.

[6] Lavo as mãos na inocência e, assim, andarei, SENHOR, ao redor do teu altar,
[7] para entoar, com voz alta, os louvores e proclamar as tuas maravilhas todas.
[8] Eu amo, SENHOR, a habitação de tua casa e o lugar onde tua glória assiste.
[9] Não colhas a minha alma com a dos pecadores, nem a minha vida com a dos homens sanguinários,

[10] em cujas mãos há crimes e cuja destra está cheia de subornos.

[21]Go gcumhdaí an neamhurchóid is an t-ionracas mé, óir is ionat atá mo dhóchas, a Thiarna.
[22]A Dhia, saor Iosrael ar a chúngaigh go léir!

Salm 26

Urnaí an Duine Neamhurchóidigh

[1]*Le Dáiví.* Tabhair breithiúnas ar mo shon, a Thiarna, óir shiúil mé ar shlí an ionracais, agus bhí mo dhóchas sa Tiarna gan staonadh.
[2]Déan mo phromhadh, a Thiarna, agus mo thástáil; scrúdaigh m'áranna agus mo chroí;
[3]Óir bíonn do bhuanghrá os comhair mo shúl, agus bím ag siúl de réir d'fhírinne.

[4]Ní bhím i bhfochair lucht éithigh ná ní ghabhaim i gcomhluadar na gcluanairí.

[5]Is gráin liom tionól na n-urchóideach, agus ní shuím i bhfarradh na n-éagráifeach.
[6]Ním mo lámha san ionracas, a Thiarna, agus gabhaim mórthimpeall d'altóra.
[7]Bíonn altú buíochais á chanadh agam, agus d'éachtaí go léir á n-aithris agam.
[8]Thug mé taitneamh, a Thiarna, do d'áras, don áit a gcónaíonn do ghlóir.

[9]Ná sciob mé chun siúil leis na peacaigh ná m'anam le lucht doirte fola;

[10]Is dream iad a mbíonn an urchóid ina lámha acu, agus is lomlán a ndeaslámh de bhreabanna.

[11] Quanto a mim, porém, ando na minha integridade; livra-me e tem compaixão de mim.
[12] O meu pé está firme em terreno plano; nas congregações, bendirei o SENHOR.

Salmo 27

Anelo pela presença de Deus
Salmo de Davi

[1] O SENHOR é a minha luz e a minha salvação; de quem terei medo? O SENHOR é a fortaleza da minha vida; a quem temerei?

[2] Quando malfeitores me sobrevêm para me destruir, meus opressores e inimigos, eles é que tropeçam e caem.

[3] Ainda que um exército se acampe contra mim, não se atemorizará o meu coração; e, se estourar contra mim a guerra, ainda assim terei confiança.
[4] Uma coisa peço ao SENHOR, e a buscarei: que eu possa morar na Casa do SENHOR todos os dias da minha vida, para contemplar a beleza do SENHOR e meditar no seu templo.
[5] Pois, no dia da adversidade, ele me ocultará no seu pavilhão; no recôndito do seu tabernáculo, me acolherá; elevar-me-á sobre uma rocha.

[6] Agora, será exaltada a minha cabeça acima dos inimigos que me cercam. No seu tabernáculo, oferecerei sacrifício de júbilo; cantarei e salmodiarei ao SENHOR.

[11]Ach caithimse mo shaol go hionraic: fuascail mé agus nocht dom do thrócaire.

[12]Tá mo chosa ina seasamh ar an réidh; molfaidh mé an Tiarna sna tionóil.

Salm 27

Muinín as an Tiarna

[1]*Le Dáiví.* Is é an Tiarna mo sholas is mo shlánú, cé a chuirfidh eagla orm? Is é an Tiarna daingean m'anama; cé a chuirfidh ar crith mé?
[2]Nuair a thugann lucht mallaithe fogha fúm d'fhonn mo chlú a mhilleadh, is iad m'eascairde a thiteann ar lár; baintear tuisle as mo naimhde.

[3]Má bhíonn arm in eagar catha i mo choinne ní bheidh eagla ar mo chroí. Fiú amháin má bhítear ag cur cogaidh orm beidh dóchas agam ann.
[4]Iarraim aon ní amháin ar an Tiarna; bím ag tnúth leis de shíor: go gcónóidh mé in áras an Tiarna gach lá de mo shaol; go bhfaighidh mé taitneamh in aoibhneas an Tiarna 's go bhfeicfidh mé a theampall.

[5]Óir cuirfidh sé i bhfolach ina bhoth mé in am na buartha; folóidh sé faoi dhídean a phailliúin mé, ardóidh ar charraig mé.

[6]Ardófar mo cheann ar ball thar mo naimhde i mo thimpeall, go n-ofrálfaidh mé ina bhothsan istigh íobairt an áthais. Canfaidh mé agus ceolfaidh mé don Tiarna.

7 Ouve, SENHOR, a minha voz; eu clamo; compadece-te de mim e responde-me.
8 Ao meu coração me ocorre: Buscai a minha presença; buscarei, pois, SENHOR, a tua presença.
9 Não me escondas, SENHOR, a tua face, não rejeites com ira o teu servo; tu és o meu auxílio, não me recuses, nem me desampares, ó Deus da minha salvação.
10 Porque, se meu pai e minha mãe me desampararem, o SENHOR me acolherá.
11 Ensina-me, SENHOR, o teu caminho e guia-me por vereda plana, por causa dos que me espreitam.
12 Não me deixes à vontade dos meus adversários; pois contra mim se levantam falsas testemunhas e os que só respiram crueldade.
13 Eu creio que verei a bondade do SENHOR na terra dos viventes.
14 Espera pelo SENHOR, tem bom ânimo, e fortifique-se o teu coração; espera, pois, pelo SENHOR.

7Éist, a Thiarna, le mo ghlór nuair a ghlaoim ort, freagair, agus fóir orm.
8Dúirt mo chroí i do thaobhsa: “Bí ag lorg a ghnúise.” Bím ag lorg do ghnúise, a Thiarna,
9ná folaigh d'aghaidh orm. Ná cuir do ghiolla uait i bhfeirg; is tú mo chúnamh. Ná teilg uait mé is ná tréig mé: a Dhia mo shlánaithe!
10Má thréigeann fiú m'athair is mo mháthair mé, glacfaidh an Tiarna liom.
11Tabhair eolas do shlí dom, a Thiarna, cuir sa bhóthar réidh mé, d'ainneoin mo naimhde;
12agus ná tabhair suas mé a Dhia, do thoil m'eascairde. D'éirigh finnéithe falsa i m'éadan, agus lucht an fhoréigin.
13Creidim go bhfeicfidh mé maitheas an Tiarna i dtír na mbeo.
14Fan leis an Tiarna go meanmnach; bíodh misneach i do chroí. Cuir do dhóchas sa Tiarna.

Salmo 28

Súplica e ações de graças

Salmo de Davi

1 A ti clamo, ó SENHOR; rocha minha, não sejas surdo para comigo; para que não suceda, se te calares acerca de mim, seja eu semelhante aos que descem à cova.

2 Ouve-me as vozes súplices, quando a ti clamar por socorro, quando erguer as mãos para o teu santuário.

Salm 28

Impí agus Altú Buíochais

1*Le Dáiví.* Ortsa, a Thiarna, a screadaim, éist liom, a charraig. Mura n-éisteann tú beidh mé mar dhuine a ghabhann síos san uaigh.
2Éist le glór mo ghuí is mé ag éamh ort a iarraidh do chúnaimh, ‘s mé ag tógáil mo lámh chugat, a Thiarna, i dtreo do shanctóra naofa.

[3] Não me arrastes com os ímpios, com os que praticam a iniqüidade; os quais falam de paz ao seu próximo, porém no coração têm perversidade.

[4] Paga-lhes segundo as suas obras, segundo a malícia dos seus atos; dá-lhes conforme a obra de suas mãos, retribui-lhes o que merecem.

[5] E, visto que não atentam para os feitos do SENHOR, nem para o que as suas mãos fazem, ele os derribará e não os reedificará.

[6] Bendito seja o SENHOR, porque me ouviu as vozes súplices!

[7] O SENHOR é a minha força e o meu escudo; nele o meu coração confia, nele fui socorrido; por isso, o meu coração exulta, e com o meu cântico o louvarei.

[8] O SENHOR é a força do seu povo, o refúgio salvador do seu ungido.

[9] Salva o teu povo e abençoa a tua herança; apascenta-o e exalta-o para sempre.

Salmo 29

A voz de Deus na tempestade

Salmo de Davi

[1] Tributai ao SENHOR, filhos de Deus, tributai ao SENHOR glória e força.

[2] Tributai ao SENHOR a glória devida ao seu nome, adorai o SENHOR na beleza da santidade.

[3]Ná sciob mé i bhfochair na bpeacach i bhfarradh na n-urchóideach a labhraíonn go cneasta lena gcomharsana agus an t-olc ina gcroí.

[4]Tabhair díolaíocht dóibh de réir a ngníomhartha agus mioscais a n-ainbheart. Tabhair luach saothair dóibh de réir obair a lámh: déan an comhar a dhíol leo.

[5]Óir is beag acu gníomhartha an Tiarna agus saothar a lámh. Go mille sé iad, is nár thóga sé arís iad.

[6]Moladh leis an Tiarna toisc gur éist sé le glór mo ghuí.

[7]Is é an Tiarna mo neart agus mo sciath: tá dóchas mo chroí ann. Tugadh cabhair dom; gairdíonn mo chroí agus canaim amhrán dó.

[8]Is é an Tiarna neart a phobail, is é dídean shábháilte a ungthaigh é.

[9]Fóir ar do phobal, tabhair beannacht do d'oidhreacht, á gcothú agus á n-iompar go brách.

Salm 29

Glóir Dé san Anfa Toirní

[1]*Salm le Dáiví.* Tugaigí don Tiarna, a chlann mhac Dé, tugaigí don Tiarna glóir agus cumhacht!

[2]Tugaigí don Tiarna an ghlóir is díol dá ainm; tugaigí adhradh don Tiarna in éide naofa.

[3] Ouve-se a voz do SENHOR sobre as águas; troveja o Deus da glória; o SENHOR está sobre as muitas águas.
[4] A voz do SENHOR é poderosa; a voz do SENHOR é cheia de majestade.
[5] A voz do SENHOR quebra os cedros; sim, o SENHOR despedaça os cedros do Líbano.
[6] Ele os faz saltar como um bezerro; o Líbano e o Siriom, como bois selvagens.
[7] A voz do SENHOR despede chamas de fogo.
[8] A voz do SENHOR faz tremer o deserto; o SENHOR faz tremer o deserto de Cades.
[9] A voz do SENHOR faz dar cria às corças e desnuda os bosques; e no seu templo tudo diz: Glória!
[10] O SENHOR preside aos dilúvios; como rei, o SENHOR presidirá para sempre.
[11] O SENHOR dá força ao seu povo, o SENHOR abençoa com paz ao seu povo.

Salmo 30

Ações de graças pela libertação da morte

Salmo de Davi. Cântico da dedicação da casa

[1] Eu te exaltarei, ó SENHOR, porque tu me livraste e não permitiste que os meus inimigos se regozijassem contra mim.
[2] SENHOR, meu Deus, clamei a ti por socorro, e tu me saraste.
[3] SENHOR, da cova fizeste subir a minha alma; preservaste-me a vida para que não descesse à sepultura.

[3]Tá glór an Tiarna ar an uisce, tá Dia na glóire ag toirneach, tá an Tiarna os cionn na n-uiscí móra.
[4]Tá glór an Tiarna go cumasach, tá glór an Tiarna go maorga.
[5]Briseann glór an Tiarna na céadrais, briseann sé céadrais na Liobáine.
[6]Cuireann sé an Liobáin ag léim ar nós gamhna agus Sirión ar nós ógdhaimh allta.
[7]Adhnann glór an Tiarna splancacha tine:
[8]croitheann glór an Tiarna an fásach, cuireann an Tiarna fásach Cháidéis ar crith.
[9]Cuireann a ghlór na crainn darach ag luascadh, agus fágann sé an choill gan duilliúr, agus cluintear "Glóir!" ó gach aon neach ina theampall.
[10]Tá an Tiarna ina rí os cionn na díleann. Tá an Tiarna ina rí go brách.
[11]Tabharfaidh an Tiarna neart dá phobal; beannóidh sé a phobal le síocháin.

Salm 30

Buíochas le Dia as ucht an Salmaí -- a Tharrtháil ón mBás

[1]*Salm. Amhrán le canadh ar Fhéile Thiomnú an Teampaill. Le Dáiví.*
[2] Molfaidh mé thú, a Thiarna, de bhrí gur shaor tú mé agus nár lig tú do m'eascairde bheith ag maíomh orm le mórtas.
[3] D'iarr mé cunamh ort, a Thiarna, agus rinne tú mo leigheas, a Dhia.
[4] Thug tú m'anam as an uaigh, a Thiarna, shaor tú mé ón dream a ghabhann síos sa pholl.

[4] Salmodiai ao SENHOR, vós que sois seus santos, e dai graças ao seu santo nome.
[5] Porque não passa de um momento a sua ira; o seu favor dura a vida inteira. Ao anoitecer, pode vir o choro, mas a alegria vem pela manhã.
[6] Quanto a mim, dizia eu na minha prosperidade: jamais serei abalado.
[7] Tu, SENHOR, por teu favor fizeste permanecer forte a minha montanha; apenas voltaste o rosto, fiquei logo conturbado.
[8] Por ti, SENHOR, clamei, ao SENHOR implorei.
[9] Que proveito obterás no meu sangue, quando baixo à cova? Louvar-te-á, porventura, o pó? Declarará ele a tua verdade?
[10] Ouve, SENHOR, e tem compaixão de mim; sê tu, SENHOR, o meu auxílio.
[11] Converteste o meu pranto em folguedos; tiraste o meu pano de saco e me cingiste de alegria,
[12] para que o meu espírito te cante louvores e não se cale. SENHOR, Deus meu, graças te darei para sempre.

Salmo 31

Lamentos e louvor

Ao mestre de canto. Salmo de Davi

[1] Em ti, SENHOR, me refugio; não seja eu jamais envergonhado; livra-me por tua justiça.

[5] A naomha an Tiarna, tugaigí moladh dó, gabhaigí buíochas lena ainm naofa.
[6] Ní mhaireann a fhearg ach móimint na huaire; ach maireann a chineáltas ó aois go bás. Bítear ag gol san oíche agus ag gáire ar maidin.
[7] Is é a dúirt mé trí mhéid mo mhuiníne: “Ní dhéanfar mo shuaitheadh go brách.”
[8] Bhunaigh do ghrásta, a Thiarna, mar dhaingean sléibhe mé, ach cheil tú do ghnúis orm gur fágadh faoi scéin mé.
[9] Is ortsa, a Thiarna, a ghlaoigh mé, chun Dé a chuir mé m'achainí. “Cén tairbhe mo bhás má ghabhaim sa pholl?
[10] An molfaidh an deannach thú: an bhfoilseoidh sé do dhílse?”
[11] Éist, a Thiarna, go trócaireach; tar, a Thiarna, i gcabhair orm.
[12] Rinne tú rince de mo chaoineadh dom, a Thiarna; bhain tú díom mo rónéadach agus chrioslaigh tú le háthas mé,
[13] i dtreo go seinnfidh m'anam do mholtaí gan staonadh. A Thiarna, a Dhia liom, molfaidh mé go brách thú.

Salm 31

Urnaí an Duine Dhoilíosaigh

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Salm le Dáiví.*

[2] Is chugat, a Thiarna, a thagaim ag lorg tearmainn; nár dhéantar mo náiriú go brách. Saor mé de réir d'fhíréantachta,

[2] Inclina-me os ouvidos, livra-me depressa; sê o meu castelo forte, cidadela fortíssima que me salve.

[3] éist liom agus brostaigh chun m'fhuascailte! Bí i do charraig choimirce dom: i do dhaingean do mo chosaint is do mo tharrtháil.

[3] Porque tu és a minha rocha e a minha fortaleza; por causa do teu nome, tu me conduzirás e me guiarás.

[4] Óir is tú mo charraig agus mo chaiseal; seol mé agus treoraigh mé as ucht d'ainm.

[4] Tirar-me-ás do laço que, às ocultas, me armaram, pois tu és a minha fortaleza.

[5] Scaoil mé ón ngaiste a cuireadh i bhfearas romham, óir is tú mo dhídean, a Thiarna.

[5] Nas tuas mãos, entrego o meu espírito; tu me remiste, SENHOR, Deus da verdade.

[6] Do do láimhse a thiomnaím m'anam, óir is tú a cheannaigh mé a Thiarna.

[6] Aborreces os que adoram ídolos vãos; eu, porém, confio no SENHOR.

[7] A Dhia na fírinne, is fuath leat lucht adhartha íol gan éifeacht, ach cuirimse mo dhóchas sa Tiarna.

[7] Eu me alegrarei e regozijarei na tua benignidade, pois tens visto a minha aflição, conheceste as angústias de minha alma

[8] Déanfaidh mé áthas agus gairdeas faoi do bhuanghrá óir chuir tú spéis i m'anacair agus chuidigh tú le m'anam ina chúngaigh.

[8] e não me entregaste nas mãos do inimigo; firmaste os meus pés em lugar espaçoso.

[9] Níor thug tú suas do mo namhaid mé, ach thug tú cead mo chos dom go fada fairsing.

[9] Compadece-te de mim, SENHOR, porque me sinto atribulado; de tristeza os meus olhos se consomem, e a minha alma e o meu corpo.

[10] Bíodh trócaire agat orm, a Thiarna, óir tá mé i gcúngach. Tá mo shúil arna dubhadh le tuirse: agus m'anam is mo chroí.

[10] Gasta-se a minha vida na tristeza, e os meus anos, em gemidos; debilita-se a minha força, por causa da minha iniqüidade, e os meus ossos se consomem.

[11] Tá mo bheatha á snoí le brón agus mo bhlianta le hosnaíl. Táim ar díth mo nirt le buaireamh; tá mo chnámha á gcnaí.

[11] Tornei-me opróbrio para todos os meus adversários, espanto para os meus vizinhos e horror para os meus conhecidos; os que me vêem na rua fogem de mim.

[12] Rinne ábhar aithise díom do mo naimhde go léir. Tugann mo chomharsana i dtáir is i dtarcaisne mé: is cúis uamhain mé do mo chairde. An dream a chastar sa tsráid orm, teitheann siad uaim.

[12] Estou esquecido no coração deles, como morto; sou como vaso quebrado.

[13] Pois tenho ouvido a murmuração de muitos, terror por todos os lados; conspirando contra mim, tramam tirar-me a vida.

[14] Quanto a mim, confio em ti, SENHOR. Eu disse: tu és o meu Deus.

[15] Nas tuas mãos, estão os meus dias; livra-me das mãos dos meus inimigos e dos meus perseguidores.

[16] Faze resplandecer o teu rosto sobre o teu servo; salva-me por tua misericórdia.

[17] Não seja eu envergonhado, SENHOR, pois te invoquei; envergonhados sejam os perversos, emudecidos na morte.

[18] Emudeçam os lábios mentirosos, que falam insolentemente contra o justo, com arrogância e desdém.

[19] Como é grande a tua bondade, que reservaste aos que te temem, da qual usas, perante os filhos dos homens, para com os que em ti se refugiam!

[20] No recôndito da tua presença, tu os esconderás das tramas dos homens, num esconderijo os ocultarás da contenda de línguas.

[21] Bendito seja o SENHOR, que engrandeceu a sua misericórdia para comigo, numa cidade sitiada!

[22] Eu disse na minha pressa: estou excluído da tua presença. Não obstante, ouviste a minha súplice voz, quando clamei por teu socorro.

[13] Is cosúil mé le marbhán a ndearnadh dearmad de, nó le soitheach a briseadh.

[14] Cluinim cogarnach á déanamh ag a lán, agus imeagla i mo thimpeall. Cograíonn siad lena chéile i m'aghaidh: beartaíonn siad mo bhás.

[15] Ach is ort atá mo sheasamh, a Thiarna, deirim: “Is tú mo Dhia.”

[16] Tá m'anam ag brath ort, saor mé ón namhaid is ó chách ar mo thóir.

[17] Taispeain do ghnúis ghrianmhar do do ghiolla; tabhair slán mé i do ghrá.

[18] Nár náirítear mé, a Thiarna, toisc go nglaoim ort; go gcuirtear náire ar na hurchóidigh. Go gcuirtear ina dtost san uaigh iad;

[19] go mbalbhaítear a mbéal bréagach, a bhíonn ag cáineadh an fhíréin go sotalach le teann uabhair is tarcaisne.

[20] Nach lánmhar an mhaitheas atá i dtaisce agat don dream lenarb eagal tú, a thugann tú don mhuintir a thriallann ort i bhfianaise na hÁdhamchlainne.

[21] Folaíonn tú iad i do láthairse ó chúlghearradh daoine. Coimeádann tú slán i do bhoth iad ó chlampar teangacha.

[22] Moladh leis an Tiarna a nocht dom móriontas a ghrá i gcathair dhaingean.

[23] Dúirt mé tráth agus scaoll orm: “Díbríodh as do radharc mé.” Ach d'éist tú le glór mo ghuí nuair a ghlaoigh mé ort.

[23] Amai o SENHOR, vós todos os seus santos. O SENHOR preserva os fiéis, mas retribui com largueza ao soberbo.

[24] Sede fortes, e revigore-se o vosso coração, vós todos que esperais no SENHOR.

[24] Tugaigí grá don Tiarna, a naomha uile; caomhnaíonn sé na dílsigh. Ach díolann sé an comhar go hiomlán le lucht an díomais.

[25] Bígí láidir! bíodh misneach in bhur gcroí agaibh, a dhaoine uile a bhfuil bhur ndóchas sa Tiarna.

Salmo 32

A bem-aventurança de quem recebe o perdão

De Davi. Salmo didático

[1] Bem-aventurado aquele cuja iniqüidade é perdoada, cujo pecado é coberto.

[2] Bem-aventurado o homem a quem o SENHOR não atribui iniqüidade e em cujo espírito não há dolo.

[3] Enquanto calei os meus pecados, envelheceram os meus ossos pelos meus constantes gemidos todo o dia.

[4] Porque a tua mão pesava dia e noite sobre mim, e o meu vigor se tornou em sequidão de estio.

[5] Confessei-te o meu pecado e a minha iniqüidade não mais ocultei. Disse: confessarei ao SENHOR as minhas transgressões; e tu perdoaste a iniqüidade do meu pecado.

[6] Sendo assim, todo homem piedoso te fará súplicas em tempo de poder encontrar-te. Com efeito, quando transbordarem muitas águas, não o atingirão.

[7] Tu és o meu esconderijo; tu me preservas da tribulação e me cercas de alegres cantos de livramento.

Salm 32

Maitheamh an Pheaca

[1]*Mascail Dháiví.* Is méanar dár maitheadh a choir; dár folaíodh a pheaca;

[2]an té nach gcuireann an Tiarna cion ina leith, ‘s nach bhfuil cealg ina chroí.

[3]Bhí mé i mo thost, agus chríon mo chnámha; bhínn ag osnaíl gach lá,

[4]Óir gach uile lá agus oíche ba throm orm do lámh. Go deimhin, bhí mo neart á thrá mar a bheadh le teas an tsamhraidh.

[5]Ach cheana, d'admhaíos mo pheaca duit agus níor cheil mé m'urchóid. Dúirt mé: “Admhóidh mé anois mo choir don Tiarna.” Agus thug tú maithiúnas dom ansin: mhaith tú mo pheaca dom.

[6]Guífidh gach neach diaga thú, dá bhrí sin, in am an éigin. Nuair a bhrúchtfaidh na tuilte móra ní thiocfaidh siad i ngar dó.

[7]Is tú m'áit fholaigh, a Thiarna, do m'fhuascailt ó m'anacair; cuireann tú gártha fuascailte thart timpeall orm.

[8] Instruir-te-ei e te ensinarei o caminho que deves seguir; e, sob as minhas vistas, te darei conselho.

[9] Não sejais como o cavalo ou a mula, sem entendimento, os quais com freios e cabrestos são dominados; de outra sorte não te obedecem.

[10] Muito sofrimento terá de curtir o ímpio, mas o que confia no SENHOR, a misericórdia o assistirá.

[11] Alegrai-vos no SENHOR e regozijai-vos, ó justos; exultai, vós todos que sois retos de coração.

[8]Tabharfaidh mé teagasc agus múinfidh mé an tslí is triallta duit. Tabharfaidh mé comhairle agus eolas duit; coimeádfaidh mé súil ort.

[9]Ná bígí mar an each ná an mhiúil, gan chiall gan tuiscint. Mura gcoisctear le béalbhach agus srian iad ní thiocfaidh siad i do chóngar.

[10]Is líonmhar iad dóláis na n-éagráifeach, ach tá trocaire agus grá ag an té a mbíonn a dhóchas sa Tiarna.

[11]Déanaigí lúcháir agus gairdeas sa Tiarna, a fhíréana uile. Déanaigí aoibhneas agus áthas a lucht an chroí dhírigh.

Salmo 33

Louvor ao Criador e Preservador

[1] Exultai, ó justos, no SENHOR! Aos retos fica bem louvá-lo.

[2] Celebrai o SENHOR com harpa, louvai-o com cânticos no saltério de dez cordas.

[3] Entoai-lhe novo cântico, tangei com arte e com júbilo.

[4] Porque a palavra do SENHOR é reta, e todo o seu proceder é fiel.

[5] Ele ama a justiça e o direito; a terra está cheia da bondade do SENHOR.

[6] Os céus por sua palavra se fizeram, e, pelo sopro de sua boca, o exército deles.

[7] Ele ajunta em montão as águas do mar; e em reservatório encerra as grandes vagas.

Salm 33

Ina Moltar Deonú Dé

[1]Déanaigí gairdeas sa Tiarna, a fhíréana: is cóir moladh a thabhairt do dhaoine ionraice.

[2]Gabhaigí buíochas leis an Tiarna ar an gcruit; déanaigí ceol dó ar an gcláirseach dheichthéadach.

[3]Canaigí amhrán urnua dó; canaigí go healaíonta is go hardghlórach dó.

[4]Óir is dílis é briathar an Tiarna, agus is fírinneach a oibreacha go léir.

[5]Carann sé an chóir agus an ceart agus líonann sé an talamh dá bhuanghrá.

[6]Lena bhriathar a rinneadh na flaithis: le hanáil a bhéil na realtaí go léir.

[7]Cruinníonn sé tonnta na mara mar a bheadh i mbuidéal, agus cuireann an dubhaigéan i dtaisce.

[8] Tema ao SENHOR toda a terra, temam-no todos os habitantes do mundo.
[9] Pois ele falou, e tudo se fez; ele ordenou, e tudo passou a existir.
[10] O SENHOR frustra os desígnios das nações e anula os intentos dos povos.
[11] O conselho do SENHOR dura para sempre; os desígnios do seu coração, por todas as gerações.
[12] Feliz a nação cujo Deus é o SENHOR, e o povo que ele escolheu para sua herança.
[13] O SENHOR olha dos céus; vê todos os filhos dos homens;
[14] do lugar de sua morada, observa todos os moradores da terra,
[15] ele, que forma o coração de todos eles, que contempla todas as suas obras.
[16] Não há rei que se salve com o poder dos seus exércitos; nem por sua muita força se livra o valente.
[17] O cavalo não garante vitória; a despeito de sua grande força, a ninguém pode livrar.
[18] Eis que os olhos do SENHOR estão sobre os que o temem, sobre os que esperam na sua misericórdia,
[19] para livrar-lhes a alma da morte, e, no tempo da fome, conservar-lhes a vida.
[20] Nossa alma espera no SENHOR, nosso auxílio e escudo.
[21] Nele, o nosso coração se alegra, pois confiamos no seu santo nome.

[8]Bíodh eagla an Tiarna ar an domhan uile; bíodh urraim ag a maireann ar talamh dó.
[9]Labhair sé agus rinneadh gach aon ní. D'ordaigh sé agus ráinig siad ann.
[10]Cuireann sé comhairle na gciníocha ó rath agus beartas na náisiún ar neamhní.
[11]Maireann comhairle an Tiarna go brách agus a smaointe ó aois go haois.
[12]Is méanar don chine arb é an Tiarna a nDia: an cine a roghnaigh sé mar oidhreacht dó féin.
[13]Bíonn an Tiarna ag féachaint anuas ó neamh agus breathnaíonn sé an Ádhamhchlann go léir.
[14]Amharcann sé óna ionad cónaithe ar gach aon neach dá maireann ar talamh -
[15]an té a chum a gcroíthe go léir agus a thugann a mbearta go léir dá aire.
[16]Ní neart a shlua a thugann bua do rí; ní le teann nirt a tharrthaítear an laoch.
[17]Ní hé an t-each a bhéarfaidh an bua; ní acmhainn dá neart neach ar bith a shaoradh.
[18]Féachann an Tiarna ar an dream lenarb eagal é agus a chuireann a ndóchas ina bhuanghrá,
[19]chun a n-anam a shaoradh ón mbas agus iad a bheathú le linn gorta.
[20]Bíonn ár n-anam ag feitheamh leis an Tiarna; is é siúd ar gcabhair agus ár sciath;
[21]is ann a ghairdíonn ár gcroí, is iontaoibh linn a ainm naofa.

[22] Seja sobre nós, SENHOR, a tua misericórdia, como de ti esperamos.

[22]Go dtaga do bhuanghrá orainn, a Thiarna, de réir an dóchais a chuirimid ionat.

Salmo 34

Provai que o Senhor é bom!

Salmo de Davi, quando se fingiu amalucado na presença de Abimeleque e, por este expulso, ele se foi

1 Sm 21.13-15

[1] Bendirei o SENHOR em todo o tempo, o seu louvor estará sempre nos meus lábios.

[2] Gloriar-se-á no SENHOR a minha alma; os humildes o ouvirão e se alegrarão.

[3] Engrandecei o SENHOR comigo, e todos, à uma, lhe exaltemos o nome.

[4] Busquei o SENHOR, e ele me acolheu; livrou-me de todos os meus temores.

[5] Contemplai-o e sereis iluminados, e o vosso rosto jamais sofrerá vexame.

[6] Clamou este aflito, e o SENHOR o ouviu e o livrou de todas as suas tribulações.

[7] O anjo do SENHOR acampa-se ao redor dos que o temem e os livra.

[8] Oh! Provai e vede que o SENHOR é bom; bem-aventurado o homem que nele se refugia.

[9] Temei o SENHOR, vós os seus santos, pois nada falta aos que o temem.

[10] Os leõezinhos sofrem necessidade e passam fome, porém aos que buscam o SENHOR bem nenhum lhes faltará.

Salm 34

Eagla Dé

[1]*[Salm de chuid] Dáiví nuair a lig sé air bheith as a mheabhair i bhfianaise Aibímeilic nuair a chuir seisean an ruaig air.*

[2] Beannóidh mé an Tiarna i dtólamh beidh a mholadh i mo bhéal i gcónaí.

[3] Bíonn m'anam ag déanamh mórtais as an Tiarna: éistfidh daoine ísle agus beidh áthas orthu.

[4] Móraigí an Tiarna mar aon liom: tugaimis adhradh dá ainm in éineacht.

[5] Bhí mé ag lorg an Tiarna agus d'éist sé liom agus d'fhuascail sé ó m'eagla go léir mé.

[6] Féachaigí chuige agus loinnir oraibh ‘s na bíodh luisne na náire in bhur leicne.

[7] Nuair a scairt an t-ainniseoir seo d'éist an Tiarna, agus shaor sé óna chúngaigh go léir é.

[8] Bíonn aingeal an Tiarna i gcampa thart ar lucht a eaglaithe, á bhfuascailt.

[9] Blaisigí is féachaigí a fheabhas atá an Tiarna: is aoibhinn dá dtagann faoina dhídean.

[10] A dhaoine naofa an Tiarna, bíodh a eagla oraibh; ní bhíonn díth ar an dream lenarb eagal é.

[11] Bíonn easpa agus ocras ar leoin óga: ní bhíonn aon easpa ar lucht iarrtha an Tiarna.

[11] Vinde, filhos, e escutai-me; eu vos ensinarei o temor do SENHOR.

[12] Quem é o homem que ama a vida e quer longevidade para ver o bem?

[13] Refreia a língua do mal e os lábios de falarem dolosamente.

[14] Aparta-te do mal e pratica o que é bom; procura a paz e empenha-te por alcançá-la.

[15] Os olhos do SENHOR repousam sobre os justos, e os seus ouvidos estão abertos ao seu clamor.

[16] O rosto do SENHOR está contra os que praticam o mal, para lhes extirpar da terra a memória.

[17] Clamam os justos, e o SENHOR os escuta e os livra de todas as suas tribulações.

[18] Perto está o SENHOR dos que têm o coração quebrantado e salva os de espírito oprimido.

[19] Muitas são as aflições do justo, mas o SENHOR de todas o livra.

[20] Preserva-lhe todos os ossos, nem um deles sequer será quebrado.

[21] O infortúnio matará o ímpio, e os que odeiam o justo serão condenados.

[22] O SENHOR resgata a alma dos seus servos, e dos que nele confiam nenhum será condenado.

Salmo 35

Castigo dos adversários

[12] Téanaigí, a chlann ó, agus éistigí liom go múinfidh mé eagla an Tiarna daoibh.

[13] Cé hé an duine a shantaíonn an bheatha? agus fad saoil faoi shéan is faoi shonas?

[14] Coinnigh do theanga ón olc agus do bhéal ó bhriathra éithigh.

[15] Seachain an t-olc agus déan an mhaith; bí ag lorg na síochána agus lean di.

[16] Bíonn súile an Tiarna ar na fíréin agus tugann sé aird ar a n-achainí.

[17] Iompaíonn an Tiarna ó lucht déanta an oilc d'fhonn a gcuimhne a scriosadh den talamh.

[18] Éisteann an Tiarna nuair a ghlaonn na fíréin air: fuasclaíonn sé óna gcúngaigh go léir iad.

[19] Bíonn an Tiarna i ngar don lucht coscartha agus tarrthaíonn sé an dream atá do-mheanmnach.

[20] Is iomaí sin buairt ar an bhfíréan, ach fuasclaíonn an Tiarna orthu uile é;

[21] cosnaíonn sé a chnámha go léir; ní bhrisfear oiread is aon cheann amháin acu.

[22] Tiománfaidh an t-olc an t-éagráifeach chun a bháis, agus daorfar lucht fuatha an fhíréin.

[23] Fuasclaíonn an Tiarna anamacha a shearbhóntaí: ní dhaorfar a dtéann faoina choimirce.

Salm 35

Urnaí in Aghaidh an Namhad

Salmo de Davi

[1] Contende, SENHOR, com os que contendem comigo; peleja contra os que contra mim pelejam.

[2] Embraça o escudo e o broquel e ergue-te em meu auxílio.

[3] Empunha a lança e reprime o passo aos meus perseguidores; dize à minha alma: Eu sou a tua salvação.

[4] Sejam confundidos e cobertos de vexame os que buscam tirar-me a vida; retrocedam e sejam envergonhados os que tramam contra mim.

[5] Sejam como a palha ao léu do vento, impelindo-os o anjo do SENHOR.

[6] Torne-se-lhes o caminho tenebroso e escorregadio, e o anjo do SENHOR os persiga.

[7] Pois sem causa me tramaram laços, sem causa abriram cova para a minha vida.

[8] Venha sobre o inimigo a destruição, quando ele menos pensar; e prendam-no os laços que tramou ocultamente; caia neles para a sua própria ruína.

[9] E minha alma se regozijará no SENHOR e se deleitará na sua salvação.

[10] Todos os meus ossos dirão: SENHOR, quem contigo se assemelha? Pois livras o aflito daquele que é demais forte para ele, o mísero e o necessitado, dos seus extorsionários.

[11] Levantam-se iníquas testemunhas e me argúem de coisas que eu não sei.

[12] Pagam-me o mal pelo bem, o que é desolação para a minha alma.

[1]*[Salm le] Dáiví.* Tagair mo chúis, a Thiarna, in aghaidh mo naimhde: cuir cath ar a mbíonn ag troid liom.

[2]Gabh chugat do sciath agus do lúireach, agus éirigh do mo chúnamh.

[3]Beartaigh an ga agus [an tsleá] in aghaidh lucht mo thóraíochta. Abair le m'anam, a Thiarna: “Is mise do shlánú.”

[4]Go dtugtar náire agus tarcaisne ar an dream atá ar tí mo mharaithe. Go gcuirtear ar gcúl faoi náire lucht beartaithe oilc i m'aghaidh.

[5]Go gcuire aingeal an Tiarna an ruaig orthu amhail cáith roimh an ngaoth;

[6]go raibh a slí go sleamhain dúdhorcha agus aingeal Dé ar a dtí.

[7]Leathadar a líon dom gan chúis: rinneadar uaigh dom gan ábhar.

[8]Go dtaga orthu díothú gan choinne; go gceaptar iad féin sa líon a chuir siad i bhfolach romham. Go dtite siad sa chlais.

[9]Déanfaidh m'anamsa lúcháir sa Tiarna: déanfaidh mé gairdeas ina shlánú.

[10]Déarfaidh mé ó mo chroí go hiomlán: “Cé is cosúil leat, a Thiarna, an té a tharrthaíonn an truán ón tréanfhear, an duine dealbh ón tíoránach?”

[11]Éiríonn finnéithe bréige i m'éadan do mo cheistiú ach mé aineolach.

[12]Díolann siad an t-olc in aghaidh na maithe liom: tá m'anam go brónach.

[13] Quanto a mim, porém, estando eles enfermos, as minhas vestes eram pano de saco; eu afligia a minha alma com jejum e em oração me reclinava sobre o peito,

[14] portava-me como se eles fossem meus amigos ou meus irmãos; andava curvado, de luto, como quem chora por sua mãe.

[15] Quando, porém, tropecei, eles se alegraram e se reuniram; reuniram-se contra mim; os abjetos, que eu não conhecia, dilaceraram-me sem tréguas;

[16] como vis bufões em festins, rangiam contra mim os dentes.

[17] Até quando, SENHOR, ficarás olhando? Livra-me a alma das violências deles; dos leões, a minha predileta.

[18] Dar-te-ei graças na grande congregação, louvar-te-ei no meio da multidão poderosa.

[19] Não se alegrem de mim os meus inimigos gratuitos; não pisquem os olhos os que sem causa me odeiam.

[20] Não é de paz que eles falam; pelo contrário, tramam enganos contra os pacíficos da terra.

[21] Escancaram contra mim a boca e dizem: Pegamos! Pegamos! Vimo-lo com os nossos próprios olhos.

[22] Tu, SENHOR, os viste; não te cales; SENHOR, não te ausentes de mim.

[13]Nuair a bhíodarsan breoite chuir mé sacéadach orm; chiapas m'anam le troscadh. Bhínn ag guí ó mo chroí orthu mar a ghuífinn

[14]ar dheartháir liom nó cara; mar dhuine a bheadh ag caoineadh a mháthar, bhí mé crom le cumha.

[15]Ach anois, ó tá mé san fhaopach cruinníonn siad faoi áthas. Tagann siad gan fhios orm, do mo bhualadh, ‘s iad ag tromaíocht gan scíth orm.

[16]Bíonn siad ag magadh fúm gan stad gan staonadh, is a bhfiacla ag díoscán i m'aghaidh.

[17]Cá fhad a bheidh tú ag amharc orthu, a Thiarna? Tar agus fóir orm! Déan m'anam a fhuascailt óna n-ionsaithe; m'anam ó na leoin.

[18]Tabharfaidh mé buíochas duit sa mhórdháil; molfaidh mé thú sa slua.

[19]An dream atá ina naimhde gan chúis dom, nár dhéana siad gairdeas umam. Agus an dream a thugann fuath dom gan fáth, nár chaocha siad a súile orm.

[20]Is fuath leo muintir shuaimhneach na tíre: cumann siad cealg ina n-aghaidh.

[21]Deir siad, agus a mbéal ar leathadh acu: “Há, há! Nach bhfacamar féin é!”

[22]Chonaic tusa é, a Thiarna; ná bí i do thost; ná bí i bhfad uaim, a Thiarna!

[23] Acorda e desperta para me fazeres justiça, para a minha causa, Deus meu e SENHOR meu.

[24] Julga-me, SENHOR, Deus meu, segundo a tua justiça; não permitas que se regozijem contra mim.

[25] Não digam eles lá no seu íntimo: Agora, sim! Cumpriu-se o nosso desejo! Não digam: Demos cabo dele!

[26] Envergonhem-se e juntamente sejam cobertos de vexame os que se alegram com o meu mal; cubram-se de pejo e ignomínia os que se engrandecem contra mim.

[27] Cantem de júbilo e se alegrem os que têm prazer na minha retidão; e digam sempre: Glorificado seja o SENHOR, que se compraz na prosperidade do seu servo!

[28] E a minha língua celebrará a tua justiça e o teu louvor todo o dia.

Salmo 36

Malícia humana e benignidade divina

Ao mestre de canto. De Davi, servo do Senhor

[1] Há no coração do ímpio a voz da transgressão; não há temor de Deus diante de seus olhos.

[2] Porque a transgressão o lisonjeia a seus olhos e lhe diz que a sua iniqüidade não há de ser descoberta, nem detestada.

[3] As palavras de sua boca são malícia e dolo; abjurou o discernimento e a prática do bem.

[4] No seu leito, maquina a perversidade, detém-se em caminho que não é bom, não se despega do mal.

[23]Múscail! agus brostaigh chun mo chosanta a Dhia liom; a Thiarna bí liom.

[24]Tabhair breith orm de réir do chirt, a Thiarna; ná maídís a mbua orm, a Dhia.

[25]Ná smaoinidís ina gcroí: “Tá buaite againn!” Ná habraidís: “Shlogamar siar é!”

[26]An dream lenarb áil mo dhochar, go raibh náire is míchlú orthu! Go gclúdáitear le heasonóir is le haithis lucht maíte i m'éadan.

[27]Bíodh gliondar agus gairdeas ar lucht mo pháirte, agus abraidís gan sos: “Moladh leis an Tiarna lenarb áil sonas a sheirbhísigh!”

[28]Agus foilseoidh mo theanga d'fhíréantacht agus do mholadh ar feadh an lae.

Salm 36

Trócaire an Tiarna

[1]*Do stiúrthóir an chóir. [Salm le] Dáiví, giolla an Tiarna.*

[2] Labhraíonn an urchóid leis an bpeacach i ndiamhair a chroí. Ní choimeádann sé eagla Dé os comhair a shúl.

[3] Cuireann sé ina luí ar a aigne nach eol do dhaoine an choir atá déanta aige agus nach fuath leo í.

[4] Tá urchóid agus cealg ina bhéal níl ciall aige don mhaith.

[5] A tua benignidade, SENHOR, chega até aos céus, até às nuvens, a tua fidelidade.

[6] A tua justiça é como as montanhas de Deus; os teus juízos, como um abismo profundo. Tu, SENHOR, preservas os homens e os animais.

[7] Como é preciosa, ó Deus, a tua benignidade! Por isso, os filhos dos homens se acolhem à sombra das tuas asas.

[8] Fartam-se da abundância da tua casa, e na torrente das tuas delícias lhes dás de beber.

[9] Pois em ti está o manancial da vida; na tua luz, vemos a luz.

[10] Continua a tua benignidade aos que te conhecem, e a tua justiça, aos retos de coração.

[11] Não me calque o pé da insolência, nem me repila a mão dos ímpios.

[12] Tombaram os obreiros da iniqüidade; estão derruídos e já não podem levantar-se.

[5] Meabhraíonn sé mioscais agus mallaitheacht ina luí ar a leaba dó. Gabhann sé i slí nach maith agus ní shéanann sé an t-olc.

[6] Sroicheann do bhuanghrá na flaithis, a Thiarna, agus do dhílse na néalta. Tá d'fhíréantacht mar shléibhte Dé:

[7] do bhreithiúnas mar an duibheagán. Tugann tú dídean don duine is don bheithíoch.

[8] A Thiarna, nach luachmhar é do bhuanghrá! Agus tagann an Ádhamhchlann ag triall ort go ngabhann faoi scáth do sciathán.

[9] Líontar le méitheas do thí iad tugann tú deoch dóibh as abhainn d'aoibhneas,

[10] óir is leatsa atá foinse na beatha; agus i do sholas-sa a fheicimid an solas.

[11] Bíodh grá agat de shíor do lucht d'adhartha, agus cothromas do lucht an chroí dhírigh.

[12] Ná gabhadh an díomasach de chosa orm: ná caitheadh lámh an drochdhuine amach mé. b Féach mar a leagadh lucht déanta na hurchóide; tá siad ar lár agus ní fhéadann éirí.

Salmo 37

Temporária, a felicidade dos perversos

Salmo de Davi

[1] Não te indignes por causa dos malfeitores, nem tenhas inveja dos que praticam a iniqüidade.

Salm 37

Séan Soghluaiste na nUrchóideach

[1] *[Salm le] Dáiví.* Ná bíodh buairt ort faoi lucht an drochiompair; ná bí in éad le lucht déanta na hurchóide;

[2] Pois eles dentro em breve definharão como a relva e murcharão como a erva verde.

[2]óir dreofaidh siad go luath ar nós an fhéir agus feofaidh siad amhail luibheanna glasa.

[3] Confia no SENHOR e faze o bem; habita na terra e alimenta-te da verdade.

[3]Cuir do dhóchas sa Tiarna agus déan an mhaith, agus mairfidh tú sa tír go sábháilte.

[4] Agrada-te do SENHOR, e ele satisfará os desejos do teu coração.

[4]Má thugann tú taitneamh don Tiarna tabharfaidh seisean duit mian do chroí.

[5] Entrega o teu caminho ao SENHOR, confia nele, e o mais ele fará.

[5]Taobhaigh do shlí leis an Tiarna; cuir do dhóchas ann agus déanfaidh sé beart

[6] Fará sobressair a tua justiça como a luz e o teu direito, como o sol ao meio-dia.

[6]i dtreo go n-éireoidh d'fhíréantacht mar sholas agus d'ionracas mar ghrian an mheán lae.

[7] Descansa no SENHOR e espera nele, não te irrites por causa do homem que prospera em seu caminho, por causa do que leva a cabo os seus maus desígnios.

[7]Glac suaimhneas sa Tiarna agus foighnigh leis: ná bíodh ceist ort faoin té ar a mbíonn an séan, ná faoin duine a chleachtann an choirpeacht

[8] Deixa a ira, abandona o furor; não te impacientes; certamente, isso acabará mal.

[8]Cuir uait an fraoch agus an fíoch; ná bí i bhfeirg, óir ní thiocfaidh di ach dochar;

[9] Porque os malfeitores serão exterminados, mas os que esperam no SENHOR possuirão a terra.

[9]Óir dísceofar lucht déanta an oilc agus gheobhaidh lucht na foighne an talamh.

[10] Mais um pouco de tempo, e já não existirá o ímpio; procurarás o seu lugar e não o acharás.

[10]Ní fada go mbeidh deireadh leis an drochdhuine Féach a ionad! ní ann dó feasta.

[11] Mas os mansos herdarão a terra e se deleitarão na abundância de paz.

[11]Ach beidh seilbh an talaimh ag na hísle beidh a n-aoibhneas i lánmhaireacht an tsuaimhnis.

[12] Trama o ímpio contra o justo e contra ele ringe os dentes.

[12]Beartaíonn an t-urchóideach in aghaidh an fhíréin: baineann díoscán as a fhiacla ina choinne.

[13] Rir-se-á dele o SENHOR, pois vê estar-se aproximando o seu dia.

[13]Ach gáireann an Tiarna go fonóideach faoi, óir is eol dó go bhfuil a lá tar éis teacht.

14 Os ímpios arrancam da espada e distendem o arco para abater o pobre e necessitado, para matar os que trilham o reto caminho.

15 A sua espada, porém, lhes traspassará o próprio coração, e os seus arcos serão espedaçados.

16 Mais vale o pouco do justo que a abundância de muitos ímpios.

17 Pois os braços dos ímpios serão quebrados, mas os justos, o SENHOR os sustém.

18 O SENHOR conhece os dias dos íntegros; a herança deles permanecerá para sempre.

19 Não serão envergonhados nos dias do mal e nos dias da fome se fartarão.

20 Os ímpios, no entanto, perecerão, e os inimigos do SENHOR serão como o viço das pastagens; serão aniquilados e se desfarão em fumaça.

21 O ímpio pede emprestado e não paga; o justo, porém, se compadece e dá.

22 Aqueles a quem o SENHOR abençoa possuirão a terra; e serão exterminados aqueles a quem amaldiçoa.

23 O SENHOR firma os passos do homem bom e no seu caminho se compraz;

24 se cair, não ficará prostrado, porque o SENHOR o segura pela mão.

25 Fui moço e já, agora, sou velho, porém jamais vi o justo desamparado, nem a sua descendência a mendigar o pão.

14 Tarraingíonn na héagráifigh an claíomh; b teannann siad an bogha a threascairt an duine ionraic. c a threascairt lucht an ghátair agus na mbocht.

15 Tollfaidh a gclaíomh a gcroí féin agus brisfear a mbogha ina bhloghanna.

16 Is fearr an beagán atá ag an bhfíréan ná maoin is mórshaibhreas na n-éagráifeach;

17 óir brisfear ar chumhacht na n-éagráifeach agus beidh an Tiarna ina chúl taca ag an bhfíréan.

18 Ar an Tiarna atá cúram na neamhurchóideach, agus mairfidh a n-oidhreacht go brách.

19 Ní thabharfar a náire in am na tubaiste, agus líonfar iad in am an ghorta.

20 Rachaidh na héagráifigh go léir ar ceal mar aon le naimhde an Tiarna. Is cosúil iad le háilleacht neamhbhuan an mhachaire agus rachaidh siad ar ceal ar nós deataigh.

21 Ní aisíocann an t-éagráifeach a iasacht, ach tugann an fíréan uaidh go flaithiúil.

22 Beidh an talamh ag lucht beannaithe an Tiarna, ach dísceofar an dream a mhallaigh sé.

23 Stiúrann an Tiarna coiscéimeanna an duine agus déanann slí an té is geal leis sábháilte.

24 Má thuislíonn sé ní leagfar ar lár é, ós é an Tiarna é féin a thaca.

25 Bhí mé óg, agus anois tá mé aosta, ach ní fhaca mé riamh an fíréan á thréigean ná a shliocht ag iarraidh a gcoda.

[26] É sempre compassivo e empresta, e a sua descendência será uma bênção.

[27] Aparta-te do mal e faze o bem, e será perpétua a tua morada.

[28] Pois o SENHOR ama a justiça e não desampara os seus santos; serão preservados para sempre, mas a descendência dos ímpios será exterminada.

[29] Os justos herdarão a terra e nela habitarão para sempre.

[30] A boca do justo profere a sabedoria, e a sua língua fala o que é justo.

[31] No coração, tem ele a lei do seu Deus; os seus passos não vacilarão.

[32] O perverso espreita ao justo e procura tirar-lhe a vida.

[33] Mas o SENHOR não o deixará nas suas mãos, nem o condenará quando for julgado.

[34] Espera no SENHOR, segue o seu caminho, e ele te exaltará para possuíres a terra; presenciarás isso quando os ímpios forem exterminados.

[35] Vi um ímpio prepotente a expandir-se qual cedro do Líbano.

[36] Passei, e eis que desaparecera; procurei-o, e já não foi encontrado.

[37] Observa o homem íntegro e atenta no que é reto; porquanto o homem de paz terá posteridade.

[26]Bíonn sé fial i gcónaí; tugann sé iasacht uaidh, agus beannófar a shliocht dá éis.

[27]Seachain an t-olc, déan an mhaith agus mairfidh tú go buan mar a bhfuil tú.

[28]Óir is geal leis an Tiarna an fhíréantacht agus ní thréigfidh sé a dhílseoirí go deo. Déanfar lucht na héagóra a dhíothú agus sliocht na n-urchóideach a scriosadh.

[29]Tiocfaidh na fíréin in oidhreacht an talaimh agus mairfidh siad ann go brách.

[30]Bíonn béal an fhíréin ag labhairt eagna agus canann a theanga an ceart;

[31]bíonn dlí a Dhé ina chroí, ní bhíonn a chosa ag imeacht uaidh.

[32]Bíonn an t-urchóideach ag faire an fhíréin agus fonn a mharaithe air.

[33]Ní fhágfaidh an Tiarna faoina smacht é, ná ní dhaorfaidh é nuair a thabharfaidh sé breith air.

[34]Fan leis an Tiarna; bí dílis dó agus tabharfaidh sé ardú céime duit, go mbronnfaidh ort seilbh na talún; agus feicfidh tú díothú na n-urchóideach.

[35]Chonaic mé an t-urchóideach go huaibhreach ina sheasamh amhail céadras na Liobáine.

[36]Ag gabháil thar bráid dom athuair bhí sé imithe; chuaigh mé á lorg ach ní raibh sé le fáil.

[37]Féach an fíréan, tabhair do d'aire an duine ionraic, óir beidh sliocht ag fear na síochána;

[38] Quanto aos transgressores, serão, à uma, destruídos; a descendência dos ímpios será exterminada.
[39] Vem do SENHOR a salvação dos justos; ele é a sua fortaleza no dia da tribulação.

[40] O SENHOR os ajuda e os livra; livra-os dos ímpios e os salva, porque nele buscam refúgio.

Salmo 38

Arrependimento do pecador

Salmo de Davi. Em memória

[1] Não me repreendas, SENHOR, na tua ira, nem me castigues no teu furor.

[2] Cravam-se em mim as tuas setas, e a tua mão recai sobre mim.

[3] Não há parte sã na minha carne, por causa da tua indignação; não há saúde nos meus ossos, por causa do meu pecado.
[4] Pois já se elevam acima de minha cabeça as minhas iniqüidades; como fardos pesados, excedem as minhas forças.
[5] Tornam-se infectas e purulentas as minhas chagas, por causa da minha loucura.

[6] Sinto-me encurvado e sobremodo abatido, ando de luto o dia todo.

[7] Ardem-me os lombos, e não há parte sã na minha carne.
[8] Estou aflito e mui quebrantado; dou gemidos por efeito do desassossego do meu coração.

[38]ach dísceofar na peacaigh uile le chéile; déanfar sliocht na n-éagráifeach a scriosadh.
[39]Ón Tiarna a thagann slánú na bhfíréan, is é a ndídean é in am na trioblóide.
[40]Tiocfaidh an Tiarna i gcabhair orthu lena bhfuascailt; sábhálfaidh sé iad ó na hurchóidigh de bhrí gurb ann atá a ndóchas.

Salm 38

Urnaí Aithrígh le linn Tinnis

[1]*Salm Dháiví. Mar chuimhneachán.*
[2] A Thiarna, ná lochtaigh mé i d'fhearg; ná déan mo smachtú i do chuthach.
[3] Tá do shaigheada greamaithe go domhain ionam agus tháinig do lámh anuas orm.
[4] Ní slán do mo cholainn de dheasca d'fheirge níl folláine i mo chnámha de thoisc mo pheaca.
[5] Óir d'éirigh mo chionta os mo chionn agus luíonn siad ina n-ualach róthrom orm.
[6] Tá mo chréachta ina mbracha is boladh bréan uathu de dheasca mo dhíchéille féin.
[7] Tá mé crom; tá mé craptha go dearfa; triallaim timpeall go dobrónach ar feadh an lae.
[8] Tá mo leasracha arna líonadh d'othras, níl folláine ar bith i mo cholainn.

[9] Tá mé traochta; tá mé brúite as cuimse, is mé ag cneadaíl le céasadh mo chroí.

[9] Na tua presença, SENHOR, estão os meus desejos todos, e a minha ansiedade não te é oculta.

[10] Bate-me excitado o coração, faltam-me as forças, e a luz dos meus olhos, essa mesma já não está comigo.

[11] Os meus amigos e companheiros afastam-se da minha praga, e os meus parentes ficam de longe.

[12] Armam ciladas contra mim os que tramam tirar-me a vida; os que me procuram fazer o mal dizem coisas perniciosas e imaginam engano todo o dia.

[13] Mas eu, como surdo, não ouço e, qual mudo, não abro a boca.

[14] Sou, com efeito, como quem não ouve e em cujos lábios não há réplica.

[15] Pois em ti, SENHOR, espero; tu me atenderás, SENHOR, Deus meu.

[16] Porque eu dizia: Não suceda que se alegrem de mim e contra mim se engrandeçam quando me resvala o pé.

[17] Pois estou prestes a tropeçar; a minha dor está sempre perante mim.

[18] Confesso a minha iniqüidade; suporto tristeza por causa do meu pecado.

[19] Mas os meus inimigos são vigorosos e fortes, e são muitos os que sem causa me odeiam.

[20] Da mesma sorte, os que pagam o mal pelo bem são meus adversários, porque eu sigo o que é bom.

[10] Is feas duit, a Thiarna, mo mhianta, níor ceileadh ort m'osnaí ach oiread.

[11] Tá mo chroí ag preabadh; d'imigh mo neart uaim, agus tá solas mo shúl tar éis teip orm.

[12] Seachnaíonn mo chomhluadar is mo chairde mé, agus fanann mo ghaolta i bhfad uaim, mar gheall ar mo chréachtaí.

[13] An dream ar a bhfuil fonn mo mharaithe cuireann siad ribe romham - an dream a iarrann mo dhochar agus mo mhilleadh, beartaíonn siad feall i mo choinne ar feadh an lae.

[14] Is cosúil mé le bodhrán nach gcluineann le balbhán nach n-osclaíonn a bhéal;

[15] amhail duine nach gcluineann dada ar bith ‘s nach bhfuil oiread agus focal ina phluc aige.

[16] Óir is ionat atá mo dhóchas, a Thiarna, is tú a thabharfaidh freagra, a Dhia liom.

[17] Óir deirim: “An dream a bhíonn ag maíomh orm an uair a shleamhnaíonn mo chos uaim, nár dhéana siad gairdeas mar gheall orm.”

[18] Óir táimse ar tí titim faoi láthair; bíonn mo bhrón as mo chomhair de ghnáth.

[19] Admhaím mo chion is mo pheaca; is buartha go fíor mé dá dheasca.

[20] Is cumhachtach iad mo naimhde gan ábhar agus is líonmhar lucht m'fhuatha gan fáth,

[21] a thugann an t-olc uathu i gcúiteamh na maithe agus a chuireann i m'aghaidh toisc go leanaim den mhaith.

21 Não me desampares, SENHOR; Deus meu, não te ausentes de mim.
22 Apressa-te em socorrer-me, SENHOR, salvação minha.

Salmo 39

A vaidade da vida

Ao mestre de canto, Jedutum. Salmo de Davi

1 Disse comigo mesmo: guardarei os meus caminhos, para não pecar com a língua; porei mordaça à minha boca, enquanto estiver na minha presença o ímpio.

2 Emudeci em silêncio, calei acerca do bem, e a minha dor se agravou.
3 Esbraseou-se-me no peito o coração; enquanto eu meditava, ateou-se o fogo; então, disse eu com a própria língua:

4 Dá-me a conhecer, SENHOR, o meu fim e qual a soma dos meus dias, para que eu reconheça a minha fragilidade.

5 Deste aos meus dias o comprimento de alguns palmos; à tua presença, o prazo da minha vida é nada. Na verdade, todo homem, por mais firme que esteja, é pura vaidade.
6 Com efeito, passa o homem como uma sombra; em vão se inquieta; amontoa tesouros e não sabe quem os levará.
7 E eu, SENHOR, que espero? Tu és a minha esperança.
8 Livra-me de todas as minhas iniqüidades; não me faças o opróbrio do insensato.

22 Ná tréig mé, a Thiarna, a Dhia liom! ná bíse i bhfad uaim choíche!
23 Brostaigh, a Dhia, chun mo chúnaimh, a Thiarna, is tú mo shlanú.

Salm 39

“Grásta na Foighne in aghaidh na hÉagóra”

1 *Do stiúrthóir an chóir, .i. do “Iduthun”. Salm le Dáiví.*

2 Dúirt mé: “Tabharfaidh mé aire do mo shlite sula ndéana mé peaca le mo theanga. Cuirfidh mé srian le mo bhéal nuair a bheidh an t-éagráifeach os mo choinne.”
3 Bhí mé balbh agus d'fhan mé i mo thost, bhí éad orm de dheasca a rathúnais.
4 Bhí mo chroí go te ionam istigh; las tine de bhladhm ar mo mhachnamh dom, agus leis sin labhair mo theanga.
5 Foilsigh dom, a Thiarna, mo chríoch dhéanach, nocht dom líon mo laethanta, ionas gurab eol dom neamhbhuaine an tsaoil.

6 Is gairid an seal a thug tú dom, is neamhní mo ré shaoil i d'fhianaise. Níl i neach dá maireann ach puth anála

7 agus gabhann an duine seacha mar scáil. Gal gaoithe a shaibhreas go léir; ní fios dó cé a gheobhaidh ar chruinnigh sé.
8 Cad fáth dom bheith ag feitheamh, a Thiarna? is ionat atá mo dhóchas ar fad.
9 Saor mé ó mo chionta go léir, ná tabhair mé mar cheap magaidh don amadán.

[9] Emudeço, não abro os lábios porque tu fizeste isso.

[10] Tira de sobre mim o teu flagelo; pelo golpe de tua mão, estou consumido.

[11] Quando castigas o homem com repreensões, por causa da iniqüidade, destróis nele, como traça, o que tem de precioso. Com efeito, todo homem é pura vaidade.

[12] Ouve, SENHOR, a minha oração, escuta-me quando grito por socorro; não te emudeças à vista de minhas lágrimas, porque sou forasteiro à tua presença, peregrino como todos os meus pais o foram.

[13] Desvia de mim o olhar, para que eu tome alento, antes que eu passe e deixe de existir.

Salmo 40

Oração para livramento
Vs. 13-17: Salmo 70.1-5

Ao mestre de canto. Salmo de Davi

[1] Esperei confiantemente pelo SENHOR; ele se inclinou para mim e me ouviu quando clamei por socorro.

[2] Tirou-me de um poço de perdição, de um tremedal de lama; colocou-me os pés sobre uma rocha e me firmou os passos.

[3] E me pôs nos lábios um novo cântico, um hino de louvor ao nosso Deus; muitos verão essas coisas, temerão e confiarão no SENHOR.

[10] Bhí mé i mo thost; níor oscail mé mo bhéal de bhrí gur tusa faoi deara é.

[11] Tóg uaim anois do sciúirse; tá mé cloíte ag buillí do láimhe.

[12] An uair a smachtaíonn tú an duine le hachasán i ngeall ar a pheaca leánn tú mar leamhan an ní is luachmhar leis; níl in aon neach ar bith ach puth anála.

[13] Éist le mo ghuí agus le m'urnaí, a Thiarna, ná tabhair cluas bhodhar do mo ghlao. Óir is aoi mé atá ag baint fúm agatsa i m'oilithreach ar nós m'aithreacha go léir.

[14] Lig dom, go bhfaighe mé aoibhneas sula dté mé faoi dheoidh ar ceal coiteann.

Salm 40

Is Fearr an Umhlaíocht ná an Íobairt

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Salm le Dáiví.*

A

[2] D'fhan mé go foighneach leis an Tiarna agus chrom sé chugam gur éist sé le mo ghuí.

[3] Tharraing sé mé as díog na díthe, as láib an bhogaigh; chuir sé mo chosa ina seasamh ar charraig agus dhaingnigh mo choiscéimeanna.

[4] Chuir sé amhrán nua i mo bhéal: duan dár nDia. Feicfidh a lán é agus beidh eagla orthu, agus beidh a ndóchas sa Tiarna acu.

[4] Bem-aventurado o homem que põe no SENHOR a sua confiança e não pende para os arrogantes, nem para os afeiçoados à mentira.

[5] Is aoibhinn don té a chuireann a dhóchas sa Tiarna; an té nach gcloíonn le huaibhrigh ná le déithe bréige.

[5] São muitas, SENHOR, Deus meu, as maravilhas que tens operado e também os teus desígnios para conosco; ninguém há que se possa igualar contigo. Eu quisera anunciá-los e deles falar, mas são mais do que se pode contar.

[6] Nach iomaí sin éacht a rinne tú, a Thiarna is mo Dhia! Níl aon neach inchurtha leatsa sna comhairlí a cheap tú dúinn. Dá mb'áil liom a n-insint nó a n-áireamh rachadh a gcomhaireamh díom.

[6] Sacrifícios e ofertas não quiseste; abriste os meus ouvidos; holocaustos e ofertas pelo pecado não requeres.

[7] Íobairt ná ofráil níor thoil leat, ach d'oscail tú mo chluasa. Uileloscadh ná íobairt pheaca níor theastaigh uait;

[7] Então, eu disse: eis aqui estou, no rolo do livro está escrito a meu respeito;

[8] ach féach, dúirt mé: “Seo ag teacht mé! i rolla an leabhair tá sé scríofa fúm

[8] agrada-me fazer a tua vontade, ó Deus meu; dentro do meu coração, está a tua lei.

[9] go ndéanfainn do thoilse. A Dhia, is áil liom do dhlí i ndiamhair mo chroí.”

[9] Proclamei as boas-novas de justiça na grande congregação; jamais cerrei os lábios, tu o sabes, SENHOR.

[10] Rinne mé d'fhíréantacht a fhógairt sa chomhdháil mhór. Cosc níor chuir mé le mo bhéal mar is eol duit, a Thiarna.

[10] Não ocultei no coração a tua justiça; proclamei a tua fidelidade e a tua salvação; não escondi da grande congregação a tua graça e a tua verdade.

[11] Níor fholaigh mé d'fhíréantacht i mo chroí ach d'fhógair mé do chabhair dhílis; níor cheil mé do bhuanghrá ná do fhírinne ar an gcomhdháil mhór.

B

[11] Não retenhas de mim, SENHOR, as tuas misericórdias; guardem-me sempre a tua graça e a tua verdade.

[12] A Thiarna, ná coinnigh do thruamhéil uaim go brách. Go ndéana do bhuanghrá agus d'fhírinne mo chaomhnú choíche.

[12] Não têm conta os males que me cercam; as minhas iniqüidades me alcançaram, tantas, que me impedem a vista; são mais numerosas que os cabelos de minha cabeça, e o coração me desfalece.

[13] Tá mórán olc i mo thimpeall, oilc gan áireamh. Tá mé chomh mór sin i ngreim ag mo chionta nach bhfeicim dada; ní lia ribí mo chinn ná iad agus teipeann mo mhisneach orm.

[13] Praza-te, SENHOR, em livrar-me; dá-te pressa, ó SENHOR, em socorrer-me.

[14] Go mba toil leat, a Thiarna, mé a fhuascailt; brostaigh, a Thiarna, agus cabhraigh liom.

[14] Sejam à uma envergonhados e cobertos de vexame os que me demandam a vida; tornem atrás e cubram-se de ignomínia os que se comprazem no meu mal.

[15] Go raibh náire agus ceann faoi ar gach aon neach ar a bhfuil fonn mo mharaithe; go gcuirtear ar gcúl faoi náire a bhfuil ag dréim le mo mhilleadh.

[15] Sofram perturbação por causa da sua ignomínia os que dizem: Bem-feito! Bem-feito!

[16] Go ndalltar le náire an drong a deir liom: "Há! há!"

[16] Folguem e em ti se rejubilem todos os que te buscam; os que amam a tua salvação digam sempre: O SENHOR seja magnificado!

[17] Go ndéana a mbíonn ar do lorg ríméad agus gairdeas ionat. Go ndeire an dream lenarb áil do chúnamh: "Moladh leis an Tiarna!"

[17] Eu sou pobre e necessitado, porém o SENHOR cuida de mim; tu és o meu amparo e o meu libertador; não te detenhas, ó Deus meu!

[18] Cé gur dealbh agus gur dearóil mise déanann an Tiarna cúram díom. Is tú mo chabhair agus m'fhuascailteoir; ná moilligh, a Dhia liom.

Salmo 41

A calúnia dos inimigos e o socorro de Deus

Ao mestre de canto. Salmo de Davi

Salm 41

Urnaí an Duine Bhreoite

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Salm Dháiví.*

[1] Bem-aventurado o que acode ao necessitado; o SENHOR o livra no dia do mal.

[2] Is méanar don té ar cúram leis an dealbh is an daibhir; saorfaidh an Tiarna é in am na buartha.

[2] O SENHOR o protege, preserva-lhe a vida e o faz feliz na terra; não o entrega à discrição dos seus inimigos.

[3] Coimeádfaidh sé beo é, tabharfaidh sé séan dó ar talamh agus ní thabharfaidh sé suas é do thoil a eascairde.

[3] O SENHOR o assiste no leito da enfermidade; na doença, tu lhe afofas a cama.

[4] Tabharfaidh sé neart dó ar leaba a thinnis agus déanfaidh a leigheas le linn a bhreoiteachta.

[4] Disse eu: compadece-te de mim, SENHOR; sara a minha alma, porque pequei contra ti.

[5] Is é a dúirt mise: "Déan trócaire orm, a Thiarna, slánaigh m'anam de bhrí gur pheacaíos ort."

[5] Os meus inimigos falam mal de mim: Quando morrerá e lhe perecerá o nome?

[6] Se algum deles me vem visitar, diz coisas vãs, amontoando no coração malícias; em saindo, é disso que fala.

[7] De mim rosnam à uma todos os que me odeiam; engendram males contra mim, dizendo:

[8] Peste maligna deu nele, e: Caiu de cama, já não há de levantar-se.

[9] Até o meu amigo íntimo, em quem eu confiava, que comia do meu pão, levantou contra mim o calcanhar.

[10] Tu, porém, SENHOR, compadece-te de mim e levanta-me, para que eu lhes pague segundo merecem.

[11] Com isto conheço que tu te agradas de mim: em não triunfar contra mim o meu inimigo.

[12] Quanto a mim, tu me susténs na minha integridade e me pões à tua presença para sempre.

[13] Bendito seja o SENHOR, Deus de Israel, da eternidade para a eternidade! Amém e amém!

Livro II

Salmos 42 - 72

Salmo 42

A alma anela por Deus

Ao mestre de canto. Salmo didático dos filhos de Corá

[6] Labhraíonn mo naimhde fúm le mírún is mioscais: “Cathain a éagfaidh sé go ndearmadfar a ainm?”

[7] Tagann siad do m'fhéachaint le caradas bréige; scaipeann siad a mbréaga fúm amuigh le caint mhailíseach.

[8] Bíonn m'aos fuatha ag cogarnach le chéile i m'éadan; bíonn siad ag machnamh ina gcroí ar an tubaiste a bhain dom.

[9] “Tháinig galar gáifeach air,” a deir siad le chéile, “an té a chuaigh a luí ní éireoidh sé choíche.”

[10] Fiú amháin mo chara cléibh as a mbíodh mo mhuinín agus a d'itheadh mo chuid aráin, nár iompaigh sé i m'éadan!

[11] Ach tusa, a Thiarna, bíodh trua agat dom; déan mo thógáil arís go ndíolfaidh mé an comhar leo.

[12] Ansin beidh a fhios agam go bhfuil lé agat liom nuair nach ndéanfaidh m'eascairde a mbua a mhaíomh orm.

[13] Má dhéanfaidh tú trua dom tabharfaidh tú slán mé agus cuirfidh tú i mo sheasamh i do láthair go brách mé.

[14] Moladh leis an Tiarna Dia Iosrael go brách. Moladh leis ó aois go haois. Amen. Amen.

Salm 42

An Dara Leabhar
Saint chun Dé agus chun a Theampaill

[1] *Do stiúrthóir an chóir. Mascil chlann Chorach.*

[1] Como suspira a corça pelas correntes das águas, assim, por ti, ó Deus, suspira a minha alma.

[2] A minha alma tem sede de Deus, do Deus vivo; quando irei e me verei perante a face de Deus?

[3] As minhas lágrimas têm sido o meu alimento dia e noite, enquanto me dizem continuamente: O teu Deus, onde está?

[4] Lembro-me destas coisas – e dentro de mim se me derrama a alma -, de como passava eu com a multidão de povo e os guiava em procissão à Casa de Deus, entre gritos de alegria e louvor, multidão em festa.

[5] Por que estás abatida, ó minha alma? Por que te perturbas dentro de mim? Espera em Deus, pois ainda o louvarei, a ele, meu auxílio e Deus meu.

[6] Sinto abatida dentro de mim a minha alma; lembro-me, portanto, de ti, nas terras do Jordão, e no monte Hermom, e no outeiro de Mizar.

[7] Um abismo chama outro abismo, ao fragor das tuas catadupas; todas as tuas ondas e vagas passaram sobre mim.

[8] Contudo, o SENHOR, durante o dia, me concede a sua misericórdia, e à noite comigo está o seu cântico, uma oração ao Deus da minha vida.

[9] Digo a Deus, minha rocha: por que te olvidaste de mim? Por que hei de andar eu lamentando sob a opressão dos meus inimigos?

[2] Faoi mar a shantaíonn an eilit na sruthanna uisce is amhlaidh a shantaíonn m'anam thusa, a Dhia.

[3] Tá cíocras chun Dé ar m'anam chun Dé bheo; cá huair a thiocfaidh mé go bhfeicfidh mé gnúis mo Dhé.

[4] Is iad mo dheora is bia dom de lá agus d'oíche nuair a fhiafraítear díom in aghaidh an lae: “Cá bhfuil do Dhia?”

[5] Ar na nithe seo a dhéanaim mo mhachnamh nuair a chuirim mo racht díom: mar a ghluaisinn i dtosach an tslua ag triall ar theach Dé dom, le gártha gairdis agus molta i ndáil fleá agus féile.

[6] Cén fáth a bhfuil tú buartha, a anam liom, faoi mhíshuaimhneas istigh ionam? Cuir do dhóchas i nDia; molfaidh mé go fóill é; mo shlánaitheoir agus mo Dhia é.

[7] Tá m'anam go buartha istigh ionam, is ort a bhím ag cuimhneamh ó thír na Iordáine, ó Hearmón, agus fós ó Shliabh Mizeár.

[8] Glaonn na duibheagáin ar a chéile le torann do chuid easanna. Tagann do thonnta agus do thuilte go léir ina gcaisí anuas orm.

[9] Bronnfaidh an Tiarna a bhuanghrá orm de lá agus canfaidh mé ceadal san oíche do Dhia mo bheo.

[10] Deirim le Dia, mo charraig, cén fáth a ndearna tú dearmad orm? Cad chuige dom triall go dobrónach is mo namhaid do mo chrá?

[10] Esmigalham-se-me os ossos, quando os meus adversários me insultam, dizendo e dizendo: O teu Deus, onde está?

[11] Por que estás abatida, ó minha alma? Por que te perturbas dentro de mim? Espera em Deus, pois ainda o louvarei, a ele, meu auxílio e Deus meu.

Salmo 43

Desejos pelo santuário

[1] Faze-me justiça, ó Deus, e pleiteia a minha causa contra a nação contenciosa; livra-me do homem fraudulento e injusto.

[2] Pois tu és o Deus da minha fortaleza. Por que me rejeitas? Por que hei de andar eu lamentando sob a opressão dos meus inimigos?

[3] Envia a tua luz e a tua verdade, para que me guiem e me levem ao teu santo monte e aos teus tabernáculos.

[4] Então, irei ao altar de Deus, de Deus, que é a minha grande alegria; ao som da harpa eu te louvarei, ó Deus, Deus meu.

[5] Por que estás abatida, ó minha alma? Por que te perturbas dentro de mim? Espera em Deus, pois ainda o louvarei, a ele, meu auxílio e Deus meu.

Salmo 44

Apelo por auxílio divino

Ao mestre de canto. Dos filhos de Corá. Salmo didático

[11] Le hachasáin a bhaineann fáscadh as an gcroí agam tarcaisníonn mo naimhde mé, á rá liom gan stad in aghaidh an lae: “Cá bhfuil do Dhia?”

[12] Cén fáth a bhfuil tú buartha, a anam liom, faoi mhíshuaimhneas istigh ionam? Cuir do dhóchas i nDia; molfaidh mé go fóill é; mo shlánaitheoir agus mo Dhia é.

Salm 43

[1]Cosain mé a Dhia, agus agair mo chúis in aghaidh lucht na héagráifeachta. Ó lucht an fhill agus na hurchóide saor mé, (a Dhia).

[2]Óir is tú mo dhídean, a Dhia, cén fáth ar theilg tú uait mé? Cén fáth a bhfuilim ag triall go dobrónach agus mo namhaid do mo chiapadh?

[3]Cuir chugam do sholas agus d'fhírinne, go ndéana siad mo threorú do mo thionlacan faoi dhéin do chnoic naofa, faoi dhéin do phailliúin.

[4]Triallfaidh mé ar altóir Dé, ar Dhia is cúis áthais dom; agus déanfaidh mé do mholadh ar an gcruit a Dhia, ón, a Dhia liom!

[5]Cén fáth a bhfuil tú buartha, a anam liom, faoi mhíshuaimhneas istigh ionam? Cuir do dhóchas i nDia; molfaidh mé go fóill é; mo shlánaitheoir agus mo Dhia é.

Salm 44

Bua agus Briseadh Iosrael

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Mascil chlann Chorach.*

[1] Ouvimos, ó Deus, com os próprios ouvidos; nossos pais nos têm contado o que outrora fizeste, em seus dias.

[2] Como por tuas próprias mãos desapossaste as nações e os estabeleceste; oprimiste os povos e aos pais deste largueza.

[3] Pois não foi por sua espada que possuíram a terra, nem foi o seu braço que lhes deu vitória, e sim a tua destra, e o teu braço, e o fulgor do teu rosto, porque te agradaste deles.

[4] Tu és o meu rei, ó Deus; ordena a vitória de Jacó.

[5] Com o teu auxílio, vencemos os nossos inimigos; em teu nome, calcamos aos pés os que se levantam contra nós.

[6] Não confio no meu arco, e não é a minha espada que me salva.

[7] Pois tu nos salvaste dos nossos inimigos e cobriste de vergonha os que nos odeiam.

[8] Em Deus, nos temos gloriado continuamente e para sempre louvaremos o teu nome.

[9] Agora, porém, tu nos lançaste fora, e nos expuseste à vergonha, e já não sais com os nossos exércitos.

[10] Tu nos fazes bater em retirada à vista dos nossos inimigos, e os que nos odeiam nos tomam por seu despojo.

[2] Chualamar lenár gcluasa féin é, a Dhia, agus d'inis ár n-aithreacha féin dúinn na hoibreacha a rinne tú fadó, na héachtaí a rinne tú lena linn.

[3] Mar chuir tú féin na ciníocha i mbéal a gcinn gur phlandaigh tú ár sinsir ina n-ionad.

[4] Óir ní lena gclaíomh féin a ghabhadar an talamh níorbh é a gcuisle féin a shaor iad ach do dheaslámh féin is do chuisle agus gile do ghnúise, mar b'iad do ghrá iad.

[5] Is tú mo rí agus mo Dhia a thug barr agus bua do Iacób.

[6] Is tríotsa a chloíomar ár naimhde gur ghabhamar de chosa i lucht ceannairce i d'ainm.

[7] Óir ní i mo bhogha a chuir mé mo dhóchas, ná níorbh é mo chlaíomh a thug saor mé,

[8] ach is tusa a shábháil ónár naimhde sinn agus a chuir náire ar an drong a thug fuath dúinn.

[9] Bhímis ag maíomh as Dia i dtólamh agus ag tabhairt moladh do d'ainm de shíor. ***(Selah)***

[10] Ach anois tugann tú droim láimhe dúinn go dímheasúil agus ní ghabhann tú amach lenár sluaite.

[11] Tugann tú orainn cúlú roimh ár naimhde agus déanann lucht ár bhfuatha slad orainn.

[11] Entregaste-nos como ovelhas para o corte e nos espalhaste entre as nações.

[12] Vendes por um nada o teu povo e nada lucras com o seu preço.
[13] Tu nos fazes opróbrio dos nossos vizinhos, escárnio e zombaria aos que nos rodeiam.
[14] Pões-nos por ditado entre as nações, alvo de meneios de cabeça entre os povos.
[15] A minha ignomínia está sempre diante de mim; cobre-se de vergonha o meu rosto,

[16] ante os gritos do que afronta e blasfema, à vista do inimigo e do vingador.

[17] Tudo isso nos sobreveio; entretanto, não nos esquecemos de ti, nem fomos infiéis à tua aliança.
[18] Não tornou atrás o nosso coração, nem se desviaram os nossos passos dos teus caminhos,
[19] para nos esmagares onde vivem os chacais e nos envolveres com as sombras da morte.
[20] Se tivéssemos esquecido o nome do nosso Deus ou tivéssemos estendido as mãos a deus estranho,
[21] porventura, não o teria atinado Deus, ele, que conhece os segredos dos corações?
[22] Mas, por amor de ti, somos entregues à morte continuamente, somos considerados como ovelhas para o matadouro.

[12] Thug tú suas sinn mar chaoirigh chun ár maraithe. Chuir tú scaipeadh orainn ar fud na gciníocha.
[13] Dhíol tú do phobal in aisce, agus ní bhfuair tú dada de bharr a ndíolta.
[14] Rinne tú ábhar achasáin dínn dár gcomharsana, cúis gháire dá mbíonn inár dtimpeall,
[15] ceap aithise i mbéal na gciníocha agus ceap magaidh i measc na náisiún.

[16] Bíonn mo tharcaisne os mo chomhair de shíor agus luisne na náire i mo leiceann

[17] de bharr ghlór an scigire agus an sciolladóra de dheasca an namhad agus an díoltasaí.
[18] Tháinig na nithe seo uile orainn anuas siúd is nach ndearnamar dearmad ort, is nach rabhamar mídhílis do do chonradh

[19] ná ní dheachaigh ár gcroí ar gcúl, ná ní dheachaigh ár gcosa ar seachrán uait,

[20] bíodh gur bhrúigh tú in áit na hainnise sinn agus gur fholaigh tú le scáil an bháis sinn.

[21] Dá ndéanaimis dearmad ar ainm ár nDé nó dá leathaimis ár lámha chun dé eile,

[22] nach mbeadh a fhios sin ag Dia? Óir is eol dó rúndiamhra an chroí.

[23] Ar do shonsa tugtar ár n-ár ar feadh an lae agus meastar sinn mar chaoirigh atá le bású.

[23] Desperta! Por que dormes, SENHOR? Desperta! Não nos rejeites para sempre!

[24] Por que escondes a face e te esqueces da nossa miséria e da nossa opressão?

[25] Pois a nossa alma está abatida até ao pó, e o nosso corpo, como que pegado no chão.

[26] Levanta-te para socorrer-nos e resgata-nos por amor da tua benignidade.

Salmo 45

O Ungido de Deus e a sua noiva

Ao mestre de canto, segundo a melodia “Os lírios”. Dos filhos de Corá. Salmo didático. Cântico de amor

[1] De boas palavras transborda o meu coração. Ao Rei consagro o que compus; a minha língua é como a pena de habilidoso escritor.

[2] Tu és o mais formoso dos filhos dos homens; nos teus lábios se extravasou a graça; por isso, Deus te abençoou para sempre.

[3] Cinge a espada no teu flanco, herói; cinge a tua glória e a tua majestade!

[4] E nessa majestade cavalga prosperamente, pela causa da verdade e da justiça; e a tua destra te ensinará proezas.

[24] Múscail! Cad é an codladh sin ort, a Thiarna? Bí i do dhúiseacht! ná diúltaigh dúinn de shíor!

[25] Cén fáth a gceileann tú do ghnúis orainn agus nach cuimhin leat ár n-ainnise is ár n-ansmacht?

[26] Óir leagadh ar lár sinn sa luaithreach agus buaileadh ár gcorp ar an talamh.

[27] Éirigh i do sheasamh agus cabhraigh linn agus fuascail sinn as ucht do thrócaire.

Salm 45

Amhrán Bainise don Rí

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Le fonn an cheadail “Na lilí…”. Mascil chlann Chorach. Amhrán grá.*

[2] Tá mo chroí á chorraí ag téama sáruasal. Tá mé ag aithris mo dháin i láthair an rí; ní luaithe lámh an scríobhaí ná líofacht mo theanga.

[3] Is tú an té is áille den Ádhamhchlann go huile agus doirteadh an grásta amach ar do bheola toisc gur bheannaigh do Dhia go brách is go deo thú.

[4] Déan do chlaíomh a chrochadh ar do cheathrú, a churaidh: faoi mhaise agus gradam gabh amach go caithréimeach ar son focal na fírinne, an chreidimh is an chirt.

[5] [Teann do bhogha] le do dheasláimh chumasach.

[5] As tuas setas são agudas, penetram o coração dos inimigos do Rei; os povos caem submissos a ti.

[6] Is géar iad do shaigheada; tá na ciníocha faoi chois agat. Tá naimhde an rí ar díth a meanman.

[6] O teu trono, ó Deus, é para todo o sempre; cetro de eqüidade é o cetro do teu reino.

[7] Beidh do chathaoir ann, a Dhia, go brách is choíche; ríshlat an chirt is ea ríshlat do ríochta.

[7] Amas a justiça e odeias a iniqüidade; por isso, Deus, o teu Deus, te ungiu com o óleo de alegria, como a nenhum dos teus companheiros.

[8] Is geal leat an fhíréantacht, is gráin leat an mhioscais. Is uime sin a rinne Dia - do Dhia féin - thú a ungadh le hola an áthais thar lucht uile do chaidrimh.

[8] Todas as tuas vestes recendem a mirra, aloés e cássia; de palácios de marfim ressoam instrumentos de cordas que te alegram.

[9] Leathann cumhracht an mhiorra agus an aló trí d'éadaí; seinntear ceol ar an gcláirseach duit ó árais eabhartha.

[9] Filhas de reis se encontram entre as tuas damas de honra; à tua direita está a rainha adornada de ouro finíssimo de Ofir.

[10] Tá iníonacha ríthe i measc do bhan coimhdeachta, agus an bhanríon ar do dheis faoi ór as Óifír.

[10] Ouve, filha; vê, dá atenção; esquece o teu povo e a casa de teu pai.

[11] Claon chugam do chluas, a iníon, agus éist liom; cuir cuimhne do mhuintire féin uait agus teaghlach d'athar.

[11] Então, o Rei cobiçará a tua formosura; pois ele é o teu senhor; inclina-te perante ele.

[12] Óir tabharfaidh an rí grá is taitneamh do d'áilleacht; eisean do Thiarna, agus umhlaigh thú féin dó.

[12] A ti virá a filha de Tiro trazendo donativos; os mais ricos do povo te pedirão favores.

[13] Tiocfaidh muintir na Tuíre le tabhartais chugat 's beidh lucht rachmais an phobail ag iarraidh do pháirte.

[13] Toda formosura é a filha do Rei no interior do palácio; a sua vestidura é recamada de ouro.

[14] Tá iníon an rí gléasta le róbaí órmhaisithe,

[14] Em roupagens bordadas conduzem-na perante o Rei; as virgens, suas companheiras que a seguem, serão trazidas à tua presença.

[15] agus seoltar chun an rí í faoi éadaí ildathacha. Seoltar dá héis chuige a maighdeana coimhdeachta.

[15] Serão dirigidas com alegria e regozijo; entrarão no palácio do Rei.

[16] Em vez de teus pais, serão teus filhos, os quais farás príncipes por toda a terra.

[17] O teu nome, eu o farei celebrado de geração a geração, e, assim, os povos te louvarão para todo o sempre.

Salmo 46

Deus é o nosso refúgio e fortaleza

Ao mestre de canto. Dos filhos de Corá. Em voz de soprano. Cântico

[1] Deus é o nosso refúgio e fortaleza, socorro bem presente nas tribulações.

[2] Portanto, não temeremos ainda que a terra se transtorne e os montes se abalem no seio dos mares;

[3] ainda que as águas tumultuem e espumejem e na sua fúria os montes se estremeçam.

[4] Há um rio, cujas correntes alegram a cidade de Deus, o santuário das moradas do Altíssimo.

[5] Deus está no meio dela; jamais será abalada; Deus a ajudará desde antemanhã.

[6] Bramam nações, reinos se abalam; ele faz ouvir a sua voz, e a terra se dissolve.

[16] Déantar a dtionlacan le háthas is gairdeas nuair a ghabhann siad isteach in áras an rí.

[17] In ionad do shinsear beidh clann mhac de do chuid féin agat; ceapfaidh tú ina bhflatha iad ar fud chríocha na cruinne.

[18] Beidh cuimhne ar d'ainm go brách de bharr an dáin seo agus molfaidh na ciníocha thú go brách na breithe.

Salm 46

“Tá Tiarna na Slua inár bhFochair”

[1]*Do stiúrthóir an chóir. [Salm] chlann Chorach. Leis an bhfonn “Na Maighdeana…” Amhrán.*

[2] Is dídean dúinn Dia, agus is é ár neart é: is é ár gcúnamh go dearfa é le linn ár n-anacra.

[3] Dá bhrí sin ní eagal linn má luascann an talamh agus go gcaitear na sléibhte i gceartlár na mara,

[4] fiú amháin má bhíonn a huisce ag coipeadh 's ag fiuchadh, agus na sléibhte á suaitheadh ag neart na dtonnta. [Tá Tiarna na Slua inar bhfochair: is daingean dúinn Dia Iacóib.] ***(Selah)***

[5] Cuireann caisí na habhann lúcháir ar chathair Dé, ionad naofa agus áras cónaithe an Neach is Airde.

[6] Tá Dia ina lár, ní féidir í a bhogadh; tiocfaidh Dia i gcabhair uirthi le fáinne an lae.

[7] Tógtar clampar i measc na gciníocha, baintear croitheadh as ríochtaí, toirníonn seisean lena ghlór agus leánn an talamh.

[7] O SENHOR dos Exércitos está conosco; o Deus de Jacó é o nosso refúgio.

[8] Vinde, contemplai as obras do SENHOR, que assolações efetuou na terra.

[9] Ele põe termo à guerra até aos confins do mundo, quebra o arco e despedaça a lança; queima os carros no fogo.

[10] Aquietai-vos e sabei que eu sou Deus; sou exaltado entre as nações, sou exaltado na terra.

[11] O SENHOR dos Exércitos está conosco; o Deus de Jacó é o nosso refúgio.

Salmo 47

Deus, o Rei da terra

Ao mestre de canto. Salmo dos filhos de Corá

[1] Batei palmas, todos os povos; celebrai a Deus com vozes de júbilo.

[2] Pois o SENHOR Altíssimo é tremendo, é o grande rei de toda a terra.

[3] Ele nos submeteu os povos e pôs sob os nossos pés as nações.

[4] Escolheu-nos a nossa herança, a glória de Jacó, a quem ele ama.

[5] Subiu Deus por entre aclamações, o SENHOR, ao som de trombeta.

[6] Salmodiai a Deus, cantai louvores; salmodiai ao nosso Rei, cantai louvores.

[7] Deus é o Rei de toda a terra; salmodiai com harmonioso cântico.

[8] Deus reina sobre as nações; Deus se assenta no seu santo trono.

[8] Tá Tiarna na Slua inár bhfochair, is daingean dúinn Dia Iacóib.

[9] Téanam agus feiceam oibreacha an Tiarna, na héachtaí móra a rinne sé ar talamh.

[10] Cuireann sé cosc le cogaí ar fud na cruinne: briseann sé boghanna agus smiotann sé sleánna, loisceann sé sciatha agus carbaid le tine.

[11] "Éistigí! bíodh a fhios agaibh gur mise is Dia ann, in ardréim ar na ciníocha, in ardréim ar talamh."

[12] Tá Tiarna na Slua inár bhfochair, is daingean dúinn Dia Iacóib. ***(Selah)***

Salm 47

Rí an Domhain

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Salm chlann Chorach.*

[2] Buailigí bhur mbosa, a chiníocha uile; glaoigí ar Dhia le gártha gairdis!

[3] Óir is ard é an Tiarna agus is uamhnach, ina ardrí os cionn na cruinne.

[4] Cuireann sé ciníocha faoinár smacht agus cuireann sé náisiúin faoinár gcosa.

[5] Is uaidh a fuaireamar ár n-oidhreacht; oidhreacht Iacóib dá dtugann sé grá.

[6] Gabhann Dia in airde le gártha molta; gabhann sé in airde le séideadh an stoic.

[7] Seinntear ceol dár nDia, seinntear ceol dó; seinntear ceol dár Rí, seinntear ceol dó!

[8] Is é Dia rí na cruinne go léir; seinnigí agus canaigí go hoilte dó!

[9] Tá Dia ina rí ar na náisiúin; tá sé ina shuí ar a ríchathaoir naofa.

[9] Os príncipes dos povos se reúnem, o povo do Deus de Abraão, porque a Deus pertencem os escudos da terra; ele se exaltou gloriosamente.

[10] Cruinníonn taoisigh na gciníocha i gceann a chéile; i bhfochair phobal Dhia Abrahám. Óir is le Dia lucht rialaithe na cruinne; is aige atá an chumhacht go hiomlán.

Salmo 48

A cidade de Deus

Cântico. Salmo dos filhos de Corá

[1] Grande é o SENHOR e mui digno de ser louvado, na cidade do nosso Deus.
[2] Seu santo monte, belo e sobranceiro, é a alegria de toda a terra; o monte Sião, para os lados do Norte, a cidade do grande Rei.
[3] Nos palácios dela, Deus se faz conhecer como alto refúgio.
[4] Por isso, eis que os reis se coligaram e juntos sumiram-se;
[5] bastou-lhes vê-lo, e se espantaram, tomaram-se de assombro e fugiram apressados.
[6] O terror ali os venceu, e sentiram dores como de parturiente.
[7] Com vento oriental destruíste as naus de Társis.
[8] Como temos ouvido dizer, assim o vimos na cidade do SENHOR dos Exércitos, na cidade do nosso Deus. Deus a estabelece para sempre.
[9] Pensamos, ó Deus, na tua misericórdia no meio do teu templo.
[10] Como o teu nome, ó Deus, assim o teu louvor se estende até aos confins da terra; a tua destra está cheia de justiça.
[11] Alegre-se o monte Sião, exultem as filhas de Judá, por causa dos teus juízos.

Salm 48

Cathair Naofa Dé

[1] *Amhrán. Salm chlann Chorach.*
[2] Is éachtach an Tiarna agus is inmholta go mór é i gcathair ár nDé.
[3] Is álainn an cnoc é a shliabh naofa, áthas an domhain uile. Is é Cnoc Shíón de leith an tuaiscirt cathair an ArdRí.
[4] Chruthaigh Dia i lár a dúnta bheith ina dhaingean sábháilte.
[5] Óir féach! chruinnigh na ríthe le chéile gur ionsaigh siad in éineacht.
[6] Chuir a bhfaca siad anbhá agus alltacht orthu; rinneadh stangairí díobh le neart mearbhaill.
[7] Tháinig crith cos is lámh orthu láithreach, amhail tinneas clainne;
[8] mar a bheadh an ghaoth anoir ag milleadh loingeas Thairsís.
[9] Mar a chualamar, is amhlaidh a chonaiceamar i gcathair ár nDé; i gcathair Thiarna na slua a dhaingnigh Dia go deo.
[10] Déanaimid machnamh ar do bhuanghrá, a Dhia, i gceartlár do theampaill.
[11] Leathann do mholadh, ar nós d'ainm, a Thiarna, go críocha na cruinne. Is lán do dheaslámh d'fhíréantacht;
[12] gairdíonn Cnoc Shíón. Tá áthas ar iníonacha Iúdá de bharr do bhreithiúnais.

[12] Percorrei a Sião, rodeai-a toda, contai-lhe as torres;
[13] notai bem os seus baluartes, observai os seus palácios, para narrardes às gerações vindouras
[14] que este é Deus, o nosso Deus para todo o sempre; ele será nosso guia até à morte.

[13] Siúlaigí Síón agus triallaigí ina timpeall comhairigí a túir.
[14] Breathnaigí a rampair chosanta; scrúdaigí a dúnfoirt, go n-inseoidh sibh don ghlúin atá le teacht:
[15] is mar sin dár nDia. Is é ár nDia é go brách na breithe agus ár dtreoraí go deo.

Salmo 49

A vaidade do homem

Ao mestre de canto. Salmo dos filhos de Corá

[1] Povos todos, escutai isto; dai ouvidos, moradores todos da terra,
[2] tanto plebeus como os de fina estirpe, todos juntamente, ricos e pobres.
[3] Os meus lábios falarão sabedoria, e o meu coração terá pensamentos judiciosos.
[4] Inclinarei os ouvidos a uma parábola, decifrarei o meu enigma ao som da harpa.
[5] Por que hei de eu temer nos dias da tribulação, quando me salteia a iniqüidade dos que me perseguem,
[6] dos que confiam nos seus bens e na sua muita riqueza se gloriam?
[7] Ao irmão, verdadeiramente, ninguém o pode remir, nem pagar por ele a Deus o seu resgate
[8] (Pois a redenção da alma deles é caríssima, e cessará a tentativa para sempre.),
[9] para que continue a viver perpetuamente e não veja a cova;

Salm 49

Baois agus Beagthairbhe Shaibhreas an tSaoil Seo

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Salm chlann Chorach.*

[2] Éistigí, a chiníocha go léir, tugaigí cluas, a áitritheoirí na cruinne,
[3] íseal agus uasal in éineacht, saibhir agus daibhir le chéile.
[4] Labhróidh mo bhéal briathra ciallmhara; is lán mo chroí de thuiscint.
[5] Claonfaidh mé mo chluas le fáthscéal, sceithfidh mé mo rún leis an gcláirseach.
[6] Cén fáth a mbeadh eagla orm lá an oilc agus mioscais lucht ceilge i mo thimpeall -
[7] dream a mbíonn a ndóchas ina saibhreas agus a mhaíonn as méid a maoine?
[8] Ní thig le haon duine é féin a fhuascailt ná éiric a anama a dhíol le Dia;
[9] is ródhaor aige éiric a anama.
[10] Ní thig leis síorbheatha a cheannach le súil nach bhfeice sé an uaigh.

[10] porquanto vê-se morrerem os sábios e perecerem tanto o estulto como o inepto, os quais deixam a outros as suas riquezas.
[11] O seu pensamento íntimo é que as suas casas serão perpétuas e, as suas moradas, para todas as gerações; chegam a dar seu próprio nome às suas terras.
[12] Todavia, o homem não permanece em sua ostentação; é, antes, como os animais, que perecem.
[13] Tal proceder é estultícia deles; assim mesmo os seus seguidores aplaudem o que eles dizem.
[14] Como ovelhas são postos na sepultura; a morte é o seu pastor; eles descem diretamente para a cova, onde a sua formosura se consome; a sepultura é o lugar em que habitam.
[15] Mas Deus remirá a minha alma do poder da morte, pois ele me tomará para si.
[16] Não temas, quando alguém se enriquecer, quando avultar a glória de sua casa;
[17] pois, em morrendo, nada levará consigo, a sua glória não o acompanhará.
[18] Ainda que durante a vida ele se tenha lisonjeado, e ainda que o louvem quando faz o bem a si mesmo,
[19] irá ter com a geração de seus pais, os quais já não verão a luz.
[20] O homem, revestido de honrarias, mas sem entendimento, é, antes, como os animais, que perecem.

[11] Feiceann sé an saoi agus an daoi ar lár agus a maoin ag daoine eile ina ndiaidh.
[12] Tuamaí is dídean dóibh go brách, a n-árais chónaithe ó ghlúin go chéile cé go mbíodh a n-ainm in airde sa tír.
[13] Óir ní buan é séan an duine; is cosúil é leis na beithígh a théann ar ceal.
[14] Slí na baothmhuiníne a slí siúd, críoch na droinge lenarb áil a maoin. Tiomáintear iad mar chaoirigh chun na huaighe
[15] mar a ndéanfaidh an bás a n-aoireacht agus mar a gcuirfear faoi smacht na bhfíréan iad. Imeoidh a dtaibhse ar maidin; san uaigh a bheidh a n-áras acu feasta.
[16] Ach saorfaidh Dia m'anamsa ar ifreann an uair a ghlacfaidh sé chuige féin mé.
[17] Ná bíodh eagla ort má éiríonn duine saibhir; má mhéadaíonn ar mhaoin a theaghlaigh.
[18] Nuair a éagfaidh sé ní bhéarfaidh sé dada leis, ná ní rachaidh a rachmas chun na huaighe leis.
[19] Cé gur bhreá leis a shaol fad a mhair sé - “maífidh gach aon neach mo shéanmhaireacht” -
[20] rachaidh sé i bhfochair a shinsear nach bhfeicfidh an solas go brách.
[21] Óir ní buan é séan an duine; is cosúil é leis na beithígh a théann ar ceal.

Salmo 50

A essência do culto a Deus
Salmo de Asafe

[1] Fala o Poderoso, o SENHOR Deus, e chama a terra desde o Levante até ao Poente.

[2] Desde Sião, excelência de formosura, resplandece Deus.

[3] Vem o nosso Deus e não guarda silêncio; perante ele arde um fogo devorador, ao seu redor esbraveja grande tormenta.

[4] Intima os céus lá em cima e a terra, para julgar o seu povo.

[5] Congregai os meus santos, os que comigo fizeram aliança por meio de sacrifícios.

[6] Os céus anunciam a sua justiça, porque é o próprio Deus que julga.

[7] Escuta, povo meu, e eu falarei; ó Israel, e eu testemunharei contra ti. Eu sou Deus, o teu Deus.

[8] Não te repreendo pelos teus sacrifícios, nem pelos teus holocaustos continuamente perante mim.

[9] De tua casa não aceitarei novilhos, nem bodes, dos teus apriscos.

[10] Pois são meus todos os animais do bosque e as alimárias aos milhares sobre as montanhas.

[11] Conheço todas as aves dos montes, e são meus todos os animais que pululam no campo.

Salm 50

Toirbhir do Dhia Íobairt an Mholta

[1]*Salm Ásáf.* Labhair an Tiarna - is é Dia na ndéithe é - agus ghair sé chuige an chruinne.

[2]As Síón a shoilsigh Dia le barr scéimhe;

[3]Tháinig ár nDia amach, ní fhanfaidh sé ina thost. Gluaisfidh tine chraosach roimhe amach agus anfa gaoithe ina thimpeall.

[4]Fágfaidh sé a fhianaise ar neamh agus ar talamh go dtabharfaidh sé breithiúnas ar a phobal:

[5]"Cruinnigí mo phobal naofa i mo láthair a cheangail mo chonradh le híobairt."

[6]Foilsíonn na flaithis a fhíréantacht óir is é Dia é féin is breitheamh.

[7]"Éistigí, a phobal liom, labhróidh mé, tabharfaidh mé fianaise i do choinne, a Iosrael; óir is mise is Dia ann - do Dhiasa.

[8]Ní de bharr d'íobairtí a cháinim thú: bíonn do loiscíobairtí i mo láthair de shíor.

[9]Ní ghlacfaidh mé le tarbh ó do theach ná le pocaide gabhair de do thréada.

[10]Óir is liom ainmhithe uile na coille agus na mílte beithíoch ar mo shléibhte.

[11]Is aithnid dom éanlaith an aeir agus is liom a ngluaiseann sa mhachaire.

[12] Se eu tivesse fome, não to diria, pois o mundo é meu e quanto nele se contém.

[12]Dá mbeadh ocras orm ní duitse a inseoinn é, óir is liom an domhan agus a bhfuil ann.

[13] Acaso, como eu carne de touros? Ou bebo sangue de cabritos?

[13]An dóigh leat go n-ithimse feoil tarbh? An measann tú go n-olaimse fuil gabhar?

[14] Oferece a Deus sacrifício de ações de graças e cumpre os teus votos para com o Altíssimo;

[14]Toirbhir íobairt an bhuíochais do Dhia díol do mhóideanna leis an Té is Airde.

[15] invoca-me no dia da angústia; eu te livrarei, e tu me glorificarás.

[15]Glaoigh orm ansin in am na hanacra; saorfaidh mé thú agus tabharfaidh tú urraim dom.”

[16] Mas ao ímpio diz Deus: De que te serve repetires os meus preceitos e teres nos lábios a minha aliança,

[16]Ach is é a deir Dia leis an bpeacach: “Cén ceart atá agatsa mo dhlí a fhógairt agus lán béil a dhéanamh de mo chonradh?

[17] uma vez que aborreces a disciplina e rejeitas as minhas palavras?

[17]Ó tharla gur fuath leat mo dhlí agus go ndéanann tú neamhní de mo bhriathra?

[18] Se vês um ladrão, tu te comprazes nele e aos adúlteros te associas.

[18]Nuair a fheiceann tú gadaí téann tú i bpáirt leis agus gabhann tú i gcomhar le lucht adhaltranais.

[19] Soltas a boca para o mal, e a tua língua trama enganos.

[19]Tugann tú do bhéal don olc agus cumann tú bréaga le do theanga.

[20] Sentas-te para falar contra teu irmão e difamas o filho de tua mãe.

[20]Tugann tú míchlú do bhráthar i do shuí duit, tromaíonn tú ar mhac do mháthar féin.

[21] Tens feito estas coisas, e eu me calei; pensavas que eu era teu igual; mas eu te argüirei e porei tudo à tua vista.

[21]Déanann tú amhlaidh, agus an mbeidh mise i mo thost? An dóigh leat gurb é do dhálasa agamsa é? Táim do do cheartú agus do do chúisiú.

[22] Considerai, pois, nisto, vós que vos esqueceis de Deus, para que não vos despedace, sem haver quem vos livre.

[22]Aire daoibh, a lucht dearmadta Dé; sula mbéarfainn oraibh is gan fear bhur dtarrthála ann;

[23] O que me oferece sacrifício de ações de graças, esse me glorificará; e ao que prepara o seu caminho, dar-lhe-ei que veja a salvação de Deus.

[23]an té a ghabhann buíochas mar íobairt, is é sin an té a thugann urraim dom; agus don té a mhaireann gan cháim taispeánfaidh mé slánú Dé.”

Salmo 51

Confissão e arrependimento

Ao mestre de canto. Salmo de Davi, quando o profeta Natã veio ter com ele, depois de haver ele possuído Bate-Seba

2 Sm 12.1-15

1 Compadece-te de mim, ó Deus, segundo a tua benignidade; e, segundo a multidão das tuas misericórdias, apaga as minhas transgressões.

2 Lava-me completamente da minha iniqüidade e purifica-me do meu pecado.

3 Pois eu conheço as minhas transgressões, e o meu pecado está sempre diante de mim.

4 Pequei contra ti, contra ti somente, e fiz o que é mau perante os teus olhos, de maneira que serás tido por justo no teu falar e puro no teu julgar.

5 Eu nasci na iniqüidade, e em pecado me concebeu minha mãe.

6 Eis que te comprazes na verdade no íntimo e no recôndito me fazes conhecer a sabedoria.

7 Purifica-me com hissopo, e ficarei limpo; lava-me, e ficarei mais alvo que a neve.

8 Faze-me ouvir júbilo e alegria, para que exultem os ossos que esmagaste.

9 Esconde o rosto dos meus pecados e apaga todas as minhas iniqüidades.

10 Cria em mim, ó Deus, um coração puro e renova dentro de mim um espírito inabalável.

Salm 51

Aithrí agus Croíbhrú an Pheacaigh

1*Do stiúrthóir an chóir. Salm Dháiví,*

2an *uair a tháinig Nátán fáidh chuige tar éis do [Dháiví] peaca a dhéanamh le Baitseaba.*

3 Déan trócaire orm, a Dhia, de réir do bhuanghrá: cealaigh mo choir as iomad do thrua.

4 Nigh go huile mé ó mo chion, agus déan mo pheaca a ghlanadh díom.

5 Óir aithním mo chionta go maith agus tá mo pheaca os mo chomhair i gcónaí.

6 Is ortsa amháin a pheacaigh mé; an ní is olc i do láthair a rinne mé. Ionas go mba léir gur ceart é do bhreith agus go dtugann tú breithiúnas gan locht.

7 Ach féach gur rugadh faoi chion mé agus gur gineadh i mbroinn mo mháthar faoi pheaca mé.

8 Féach, is geal leat an croí dílis, agus i mo lár istigh múineann tú eagna dom.

9 Croith orm hiosóip agus glanfar mé; nigh mé agus is gile mé ná an sneachta.

10 Lig dom an gairdeas agus an t-áthas a chloisteáil, agus beidh lúcháir ar na cnámha a bhrúigh tú.

11 Iompaigh do ghnúis ó mo pheacaí agus cealaigh mo chionta go léir.

12 Cruthaigh ionam croí glan, a Dhia, agus cruthaigh spiorad daingean as an nua ionam.

[11] Não me repulses da tua presença, nem me retires o teu Santo Espírito.

[12] Restitui-me a alegria da tua salvação e sustenta-me com um espírito voluntário.

[13] Então, ensinarei aos transgressores os teus caminhos, e os pecadores se converterão a ti.

[14] Livra-me dos crimes de sangue, ó Deus, Deus da minha salvação, e a minha língua exaltará a tua justiça.

[15] Abre, SENHOR, os meus lábios, e a minha boca manifestará os teus louvores.

[16] Pois não te comprazes em sacrifícios; do contrário, eu tos daria; e não te agradas de holocaustos.

[17] Sacrifícios agradáveis a Deus são o espírito quebrantado; coração compungido e contrito, não o desprezarás, ó Deus.

[18] Faze bem a Sião, segundo a tua boa vontade; edifica os muros de Jerusalém.

[19] Então, te agradarás dos sacrifícios de justiça, dos holocaustos e das ofertas queimadas; e sobre o teu altar se oferecerão novilhos.

Salmo 52

Condenação do ímpio

Ao mestre de canto. Salmo didático de Davi, quando Doegue, edomita, fez saber a Saul que Davi entrara na casa de Abimeleque

1 Sm 22.9-10

[13] Ná díbir amach as do radharc mé agus ná beir do naomhspiorad uaim.

[14] Tabhair ar ais dom áthas do shlánaithe agus tabhair spiorad na díograise mar thaca dom.

[15] Múinfidh mé do shlite do lucht na hurchóide agus fillfidh na peacaigh ar ais chugat.

[16] Saor mé ó choir na fola, a Dhia, a Dhia mo shlánaitheoir, agus mórfaidh mé le mo theanga do cheartas.

[17] A Thiarna, oscail mo bheola, agus fógróidh mo bhéal do mholadh.

[18] Óir ní bhfaigheann tú taitneamh in íobairt agus an loiscíobairt a dhéanfainn ní ghlacfá.

[19] M'íobairtse, a Dhia, an croí aithríoch; ní eiteoidh tú, a Dhia, croí brúite uiríseal.

[20] Bí fial le Síón, as ucht do mhaitheasa, a Thiarna, ionas go dtógfaí ballaí Iarúsailéim as an nua.

[21] Glacfaidh tú ansin le híobairtí na fíréantachta, le hofrálacha agus le híobairtí uileloiscthe: ansin ofrálfar mairt chugat ar d'altóir.

Salm 52

Peacaí na Teanga

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Mascil de chuid Dháiví*

[2]*nuair a tháinig Doéig an tEadómach chuig Sól á rá leis: “Chuaigh Dáiví isteach i dteach Aichímeilic.”*

[1] Por que te glorias na maldade, ó homem poderoso? Pois a bondade de Deus dura para sempre.
[2] A tua língua urde planos de destruição; é qual navalha afiada, ó praticadora de enganos!
[3] Amas o mal antes que o bem; preferes mentir a falar retamente.
[4] Amas todas as palavras devoradoras, ó língua fraudulenta!

[5] Também Deus te destruirá para sempre; há de arrebatar-te e arrancar-te da tua tenda e te extirpará da terra dos viventes.

[6] Os justos hão de ver tudo isso, temerão e se rirão dele, dizendo:
[7] Eis o homem que não fazia de Deus a sua fortaleza; antes, confiava na abundância dos seus próprios bens e na sua perversidade se fortalecia.
[8] Quanto a mim, porém, sou como a oliveira verdejante, na Casa de Deus; confio na misericórdia de Deus para todo o sempre.
[9] Dar-te-ei graças para sempre, porque assim o fizeste; na presença dos teus fiéis, esperarei no teu nome, porque é bom.

Salmo 53

A corrupção do pecador e sua redenção
Salmo 14.1-7

Ao mestre de canto. Salmo didático de Davi, para cítara

[1] Diz o insensato no seu coração: Não há Deus. Corrompem-se e praticam iniqüidade; já não há quem faça o bem.

[3] Cad chuige duit bheith ag maíomh as do mhioscais, a ghaiscígh na hurchóide?

[4] Déanann tú uisce faoi thalamh feadh an lae, agus faobhar ar do theanga mar rásúr géar, a chealgaire ghlic.
[5] Is ansa leat an t-olc ná an mhaitheas, an t-éitheach ná an fhírinne.
[6] Is áil leat an uile chaint dhíobhálach, a theanga na camastaíola.
[7] Uime sin déanfaidh Dia do scriosadh agus do mhilleadh go deo. Sracfaidh sé as do bhoth amach thú agus bainfidh sé amach ó fhréamh thú as talamh na mbeo.
[8] Feicfidh na fíréin is beidh eagla orthu; beidh siad ag gáire faoi, á rá:
[9] "Sin é an fear nár mhian leis go mbeadh Dia ina dhaingean aige, ach a chuir a dhóchas in iomad a mhaoine agus a neart ina choirpeacht."

[10] Ach bímse mar úrchrann olóige in áras Dé; 's tá mo dhóchas i ndilghrá Dé go brách agus choíche.

[11] Tabharfaidh mé buíochas duit go deo de bharr a ndearna tú, agus fógróidh mé feabhas d'ainmse i bhfianaise na bhfíréan.

Salm 53

Na hAmadáin

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Leis an bhfonn "Mahalat". Mascil Dháiví.*

[2] Deir an t-amadán ina chroí: "Níl aon Dia ann." Tá siad truaillithe; déanann siad

gníomhartha gránna; níl aon duine maith ann.

[2] Do céu, olha Deus para os filhos dos homens, para ver se há quem entenda, se há quem busque a Deus.

[3] Breathnaíonn an Dia ó neamh ar chlann na ndaoine go bhfeice sé an bhfuil tuiscint ag aon duine nó an iarrfaidh sé Dia.

[3] Todos se extraviaram e juntamente se corromperam; não há quem faça o bem, não há nem sequer um.

[4] Chuaigh siad uile ar seachrán; truaillíodh iad uile, níl neach ann a dhéanfadh an mhaith, níl oiread is duine.

[4] Acaso, não entendem os obreiros da iniqüidade? Esses, que devoram o meu povo como quem come pão? Eles não invocam a Deus.

[5] An ea nach bhfuil ciall ag lucht an oilc? Slogann siad mo phobal go díreach mar a shlogfaí arán. Ní ghlaonn siad ar Dhia.

[5] Tomam-se de grande pavor, onde não há a quem temer; porque Deus dispersa os ossos daquele que te sitia; tu os envergonhas, porque Deus os rejeita.

[6] Beidh siad ar crith le heagla gan aon chúis eagla acu. Óir scaip Dia cnámha do lucht ionsaithe; tugadh a náire agus dhiúltaigh Dia dóibh.

[6] Quem me dera que de Sião viesse já o livramento de Israel! Quando Deus restaurar a sorte do seu povo, então, exultará Jacó, e Israel se alegrará.

[7] Á, go dtaga slánú Iosrael as Síón amach! Nuair a chasfaidh an Tiarna an rath ar a phobal beidh áthas ar Iacób agus gairdeas ar Iosrael.

Salmo 54

Apelo para o socorro divino

Ao mestre de canto. Salmo didático. Para instrumentos de cordas. De Davi, quando os zifeus vieram dizer a Saul: Não está Davi homiziado entre nós?

1 Sm 23.19; 26.1

[1] Ó Deus, salva-me, pelo teu nome, e faze-me justiça, pelo teu poder.

[2] Escuta, ó Deus, a minha oração, dá ouvidos às palavras da minha boca.

[3] Pois contra mim se levantam os insolentes, e os violentos procuram tirar-me a vida; não têm Deus diante de si.

[4] Eis que Deus é o meu ajudador, o SENHOR é quem me sustenta a vida.

Salm 54

Dia na Córa

[1] *Do stiúrthóir an chóir. Ar théada ceoil. Mascil Dháiví*

[2] *nuair a tháinig muintir Zíf ag triall ar Shól á rá leis: “Féach, tá Dáiví i bhfolach inár measc.”*

[3] Slánaigh mé a Dhia, le d'ainm; déan mo chúis a agairt le do neart.

[4] Éist, a Dhia, le m'urnaí, tabhair cluas do bhriathra mo bhéil.

[5] Óir d'éirigh lucht an díomais amach i m'éadan, agus tá daoine gan trua ar thóir

[5] Ele retribuirá o mal aos meus opressores; por tua fidelidade dá cabo deles.
[6] Oferecer-te-ei voluntariamente sacrifícios; louvarei o teu nome, ó SENHOR, porque é bom.

[7] Pois me livrou de todas as tribulações; e os meus olhos se enchem com a ruína dos meus inimigos.

m'anama; níl aird dá laghad acu ar Dhia. *(Selah)*
[6] Féach! tá Dia ag teacht i gcabhair orm; tá an Tiarna ag coinneáil an dé ionam.

[7] Fillfidh an t-olc ar mo naimhde; díothaigh iad as ucht do dhílse.

[8] Déanfaidh mé íobairt duit, a Thiarna, go fonnmhar, agus molfaidh mé d'ainm toisc gur maith é. Óir d'fhuascail tú ón uile thrioblóid mé ionas go bhfaca mé mo naimhde á dtreascairt.

Salmo 55

Que os traidores sejam destruídos

Ao mestre de canto. Para instrumentos de cordas. Salmo didático de Davi

[1] Dá ouvidos, ó Deus, à minha oração; não te escondas da minha súplica.
[2] Atende-me e responde-me; sinto-me perplexo em minha queixa e ando perturbado,

[3] por causa do clamor do inimigo e da opressão do ímpio; pois sobre mim lançam calamidade e furiosamente me hostilizam.

[4] Estremece-me no peito o coração, terrores de morte me salteiam;
[5] temor e tremor me sobrevêm, e o horror se apodera de mim.

[6] Então, disse eu: quem me dera asas como de pomba! Voaria e acharia pouso.

[7] Eis que fugiria para longe e ficaria no deserto.

Salm 55

Feall agus Faltanas

[1]*Do siúrthóir an chóir. Ar théada ceoil. Mascil Dháiví.*
[2] Tabhair cluas do m'urnaí, a Dhia: ná téigh i bhfolach ó m'achainí.

[3] Tabhair aire dom agus éist le mo ghuí, óir tá mé cloíte ag an mbuairt.

[4] Táim ar crith de bharr gártha an namhad agus ansmacht na n-urchóideach; óir tarraingíonn siad an t-olc anuas orm; bíonn siad do mo chiapadh le neart a bhfeirge.
[5] Tá mo chroí arna chloí ionam istigh: titeann eagla an bháis orm.
[6] Tagann sceimhle is scanradh orm anuas, tá mé i mo stalc ag an uamhan.
[7] “Mo thrua,” a deirim, “gan sciatháin an choilm agam; d'eitleoinn liom faoi shuaimhneas.”
[8] Is amhlaidh a rachainn in imigéin go ndéanfainn cónaí san fhásach.

[8] Dar-me-ia pressa em abrigar-me do vendaval e da procela.
[9] Destrói, SENHOR, e confunde os seus conselhos, porque vejo violência e contenda na cidade.
[10] Dia e noite giram nas suas muralhas, e, muros a dentro, campeia a perversidade e a malícia;
[11] há destruição no meio dela; das suas praças não se apartam a opressão e o engano.
[12] Com efeito, não é inimigo que me afronta; se o fosse, eu o suportaria; nem é o que me odeia quem se exalta contra mim, pois dele eu me esconderia;
[13] mas és tu, homem meu igual, meu companheiro e meu íntimo amigo.
[14] Juntos andávamos, juntos nos entretínhamos e íamos com a multidão à Casa de Deus.
[15] A morte os assalte, e vivos desçam à cova! Porque há maldade nas suas moradas e no seu íntimo.
[16] Eu, porém, invocarei a Deus, e o SENHOR me salvará.
[17] À tarde, pela manhã e ao meio-dia, farei as minhas queixas e lamentarei; e ele ouvirá a minha voz.
[18] Livra-me a alma, em paz, dos que me perseguem; pois são muitos contra mim.
[19] Deus ouvirá e lhes responderá, ele, que preside desde a eternidade, porque não há

[9] Theithfinn gan mhoill ar lorg fothana ón stoirm is ón spéirling;
[10] ó anfa clúmhillteach mo namhad, ó thonn tuile a dteangacha. Óir ní fheicimse aon ní sa chathair ach imreas is éigean;
[11] siúlann siad ballaí na cathrach de lá agus d'oíche. Is lán í d'olc agus d'urchóid;
[12] Tá an peaca ina lár. Ní scarann an foréigean ná an feall lena sráideanna choíche.
[13] Dá mba namhaid é an té a thug aithis dom d'fhéadfainn cur suas leis. Dá mba eascara a d'éirigh i m'éadan rachainn i bhfolach uaidh.
[14] Ach tusa! mo dhlúthchara féin is mo chaomhchompánach a rinne an ní seo!
[15] Ba chairde cléibh sinn a shiúil in éineacht in áras Dé.
[16] Go gcastar an bás go tobann orthu; go dté siad beo san uaigh síos. Óir cónaíonn an urchóid ina n-árais agus i gceartlár a gcroí.
[17] Ach glaofaidh mise ar Dhia agus saorfaidh an Tiarna mé.
[18]Ar maidin, meán lae, is tráthnóna b beidh mé ag caí is ag caoineadh. c ach cluinfidh Dia mo ghlór.
[19] Fuasclóidh sé m'anam go sítheach ón gcath seo a chuirim - óir is iomaí sin duine a throideann liom -
[20] Éistfidh sé liom agus cloífidh iad; (tá sé ann ón tsíoraíocht), óir ní théann siad i bhfeabhas ar aon chor, ná ní eagal leo Dia. ***(Selah)***

neles mudança nenhuma, e não temem a Deus.

[20] Tal homem estendeu as mãos contra os que tinham paz com ele; corrompeu a sua aliança.

[21] A sua boca era mais macia que a manteiga, porém no coração havia guerra; as suas palavras eram mais brandas que o azeite; contudo, eram espadas desembainhadas.

[22] Confia os teus cuidados ao SENHOR, e ele te susterá; jamais permitirá que o justo seja abalado.

[23] Tu, porém, ó Deus, os precipitarás à cova profunda; homens sanguinários e fraudulentos não chegarão à metade dos seus dias; eu, todavia, confiarei em ti.

[21] Síneann gach aon neach a lámh in aghaidh a chairde; briseann sé a chonradh.

[22] Is sleamhaine a bhriathra ná im, ach tá cogadh ina chroí. Is boige a bhriathra ná ola, ach is claímhte arna nochtadh iad.

[23] Caith do chúram ar an Tiarna agus déanfaidh sé taca duit; ní leomhfaidh sé go mbainfear barrthuisle as an bhfíréan go brách.

[24] Ach seolfaidh tusa síos iad, a Thiarna, go poll an bháis; ní bhfaighidh lucht fola agus fill ach leath a laethanta. Is ort atá mo sheasamh, a Thiarna.

Salmo 56

Conforto na perseguição

Ao mestre de canto. Segundo a melodia "A pomba nos terebintos distantes". Hino de Davi, quando os filisteus o prenderam em Gate

1 Sm 21.13-15

[1] Tem misericórdia de mim, ó Deus, porque o homem procura ferir-me; e me oprime pelejando todo o dia.

[2] Os que me espreitam continuamente querem ferir-me; e são muitos os que atrevidamente me combatem.

[3] Em me vindo o temor, hei de confiar em ti.

Salm 56

Muinín as an Tiarna

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Leis an bhfonn "Yonat Elem Rehoqim". Mictam le Dáiví nuair a bhí sé ina chime ag an Filistínigh i nGat.*

[2] Bí trócaireach liom, a Dhia, óir déantar leatrom orm; imrítear ansmacht orm in aghaidh an lae.

[3] Gabhann mo naimhde de chosa ionam i gcónaí, is iomaí duine a bhíonn ag troid liom go huaibhreach.

[4] Nuair is eagal liom is ort atá mo sheasamh,

[4] Em Deus, cuja palavra eu exalto, neste Deus ponho a minha confiança e nada temerei. Que me pode fazer um mortal?

[5] Todo o dia torcem as minhas palavras; os seus pensamentos são todos contra mim para o mal.

[6] Ajuntam-se, escondem-se, espionam os meus passos, como aguardando a hora de me darem cabo da vida.

[7] Dá-lhes a retribuição segundo a sua iniqüidade. Derriba os povos, ó Deus, na tua ira!

[8] Contaste os meus passos quando sofri perseguições; recolheste as minhas lágrimas no teu odre; não estão elas inscritas no teu livro?

[9] No dia em que eu te invocar, baterão em retirada os meus inimigos; bem sei isto: que Deus é por mim.

[10] Em Deus, cuja palavra eu louvo, no SENHOR, cuja palavra eu louvo,

[11] neste Deus ponho a minha confiança e nada temerei. Que me pode fazer o homem?

[12] Os votos que fiz, eu os manterei, ó Deus; render-te-ei ações de graças.

[13] Pois da morte me livraste a alma, sim, livraste da queda os meus pés, para que eu ande na presença de Deus, na luz da vida.

Salmo 57

Louvor pela benignidade divina

[5] ar Dhia dá dtugaim moladh as ucht a bhriathair. As Dia atá mo mhuinín gan eagla, Cad a fhéadfaidh fuil is feoil a dhéanamh dom?

[6] Cuireann siad mo bhriathra as a ríocht i gcónaí; níl de rún acu ach dochar a dhéanamh dom.

[7] Tionólann siad le chéile in oirchill orm; téann siad ar mo lorg le fonn mo mharaithe.

[8] [Cúitigh] a n-urchóid leo, a Dhia, déan na ciníocha a chloí i do chuthach.

[9] Choinnigh tú cuntas ar mo chuid seachrán; tá mo chuid deor i dtaisce i do bhuidéal; nach bhfuil siad arna mbreacadh i do leabhar?

[10] Cuirfear mo naimhde ar gcúl an uair a ghlaofaidh mé ort, óir is eol dom anois go bhfuil Dia liom.

[11] As Dia, dá dtugaim moladh as ucht a bhriathair,

[12] as Dia atá mo mhuinín gan eagla; cad a fhéadfaidh fuil is feoil a dhéanamh dom?

[13] Tá mé faoi cheangal na móideanna a rinne mé duit; toirbhreoidh mé íobairtí buíochais duit, a Dhia,

[14] toisc gur tharrthaigh tú m'anam ón mbás agus choinnigh tú mo chosa ó thuisliú, ionas go siúlfainn i bhfianaise Dé, is go mbainfinn aoibhneas as solas na mbeo.

Salm 57

Croí Diongbháilte

Vs. 7-11: Salmo 108.1-5

Ao mestre de canto, segundo a melodia “Não destruas”. Hino de Davi, quando fugia de Saul, na caverna

1 Sm 24.3

[1] Tem misericórdia de mim, ó Deus, tem misericórdia, pois em ti a minha alma se refugia; à sombra das tuas asas me abrigo, até que passem as calamidades.

[2] Clamarei ao Deus Altíssimo, ao Deus que por mim tudo executa.

[3] Ele dos céus me envia o seu auxílio e me livra; cobre de vergonha os que me ferem. Envia a sua misericórdia e a sua fidelidade.

[4] Acha-se a minha alma entre leões, ávidos de devorar os filhos dos homens; lanças e flechas são os seus dentes, espada afiada, a sua língua.

[5] Sê exaltado, ó Deus, acima dos céus; e em toda a terra esplenda a tua glória.

[6] Armaram rede aos meus passos, a minha alma está abatida; abriram cova diante de mim, mas eles mesmos caíram nela.

[7] Firme está o meu coração, ó Deus, o meu coração está firme; cantarei e entoarei louvores.

[8] Desperta, ó minha alma! Despertai, lira e harpa! Quero acordar a alva.

[9] Render-te-ei graças entre os povos; cantar-te-ei louvores entre as nações.

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Leis an bhfonn “Ná scrios”. Mictam Dháiví nuair a theith sé isteach san uaimh ó Shól.*

[2] Bíodh trua agat dom, a Dhia, bíodh trua agat óir is ort atá tarraingt m'anama. Ar scáth do sciathán atá mo thriall nó go dtéann an anachain seo tharam.

[3] Glaoim ar Dhia, an Neach is Airde: ar Dhia a chabhraíonn liom de shíor.

[4] Go gcuire sé cabhair chugam ó neamh do mo shaoradh; go dtuga sé náire do lucht mo thóraíochta, go gcuire Dia chugam a bhuanghrá agus a dhílse.

[5] Tá m'anam ina luí i measc leon a d'alpfadh an Ádhamhchlann ina gcraos. Is sleánna agus saigheada a bhfiacla, is cosúil a dteanga le géarchlaíomh.

[6] Éirigh in airde, a Dhia, os cionn na bhflaitheas; bíodh do ghlóir os cionn an domhain go léir!

[7] Chuireadar eangach i bhfearas do mo chosa; rinneadar mé a ísliú. Thochail siad clais romham amach; ach thit siad féin inti.

[8] Tá mo chroí go daingean, a Dhia; tá mo chroí go daingean. Canfaidh mé agus seinnfidh mé do mholtaí.

[9] Múscail, a anam liom! Músclaígí, a chláirseach is a chruit! Músclóidh mé féin an maidneachan.

[10] Gabhfaidh mé buíochas leat idir na ciníocha, a Thiarna: molfaidh mé thú i measc na náisiún.

[10] Pois a tua misericórdia se eleva até aos céus, e a tua fidelidade, até às nuvens.

[11] Sê exaltado, ó Deus, acima dos céus; e em toda a terra esplenda a tua glória.

[11] Óir síneann do bhuanghrá chun na bhflaitheas agus do dhílse chun na spéartha.

[12] Éirigh in airde, a Dhia, os cionn na bhflaitheas; bíodh do ghlóir os cionn an domhain go léir.

Salmo 58

A sorte dos ímpios

Ao mestre de canto, segundo a melodia "Não destruas". Hino de Davi

[1] Falais verdadeiramente justiça, ó juízes? Julgais com retidão os filhos dos homens?

[2] Longe disso; antes, no íntimo engendrais iniqüidades e distribuís na terra a violência de vossas mãos.

[3] Desviam-se os ímpios desde a sua concepção; nascem e já se desencaminham, proferindo mentiras.

[4] Têm peçonha semelhante à peçonha da serpente; são como a víbora surda, que tapa os ouvidos,

[5] para não ouvir a voz dos encantadores, do mais fascinante em encantamentos.

[6] Ó Deus, quebra-lhes os dentes na boca; arranca, SENHOR, os queixais aos leõezinhos.

[7] Desapareçam como águas que se escoam; ao dispararem flechas, fiquem elas embotadas.

[8] Sejam como a lesma, que passa diluindo-se; como o aborto de mulher, não vejam nunca o sol.

Salm 58

Breithiúna Éagóracha

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Leis an bhfonn "Ná Scrios". Mictam Dháiví.*

[2] An í an fhíréantacht a fhógraíonn sibh a lucht na cumhachta? an é an ceartbhreithiúnas a thugann sibh ar chlann na ndaoine?

[3] Ní hé; óir beartaíonn sibh éagóir in bhur gcroíthe agus is amhlaidh a imríonn sibh an lámh láidir ar talamh.

[4] Chuaigh na hurchóidigh ar seachrán fiú amháin ó bhroinn a máthar; lucht éithigh ar an bhfán iad ón uair a saolaíodh iad.

[5] Is cosúil a nimh le nimh nathrach nimhe; le nimh na nathrach a chalcann a cluasa

[6] d'eagla go gcluinfeadh sí glór an mhealltóra nó glór an draíodóra ag imirt a chuid draíochta.

[7] Déan a bhfiacla a bhriseadh ina mbéal, a Dhia; stoith amach cúilfhiacla na leon, a Thiarna.

[8] Go gceiliúra siad amhail uisce a shníonn le fána, go bhfeo siad amhail féar nuair a bhuailtear cos air.

[9] Go leá siad amhail seilide a ndéantar sláthach de, amhail toircheas anabaí nach bhfaca riamh an ghrian.

[9] Como espinheiros, antes que vossas panelas sintam deles o calor, tanto os verdes como os que estão em brasa serão arrebatados como por um redemoinho.
[10] Alegrar-se-á o justo quando vir a vingança; banhará os pés no sangue do ímpio.
[11] Então, se dirá: Na verdade, há recompensa para o justo; há um Deus, com efeito, que julga na terra.

[10] Sula dtéitear bhur gcorcáin le teas na ndriseog sciobfar chun siúil iad, idir ghlas agus chríon.
[11] Beidh ríméad ar an bhfíréan nuair a fheicfidh sé an díoltas agus nífidh sé a chosa i bhfuil na n-urchóideach.
[12] Déarfar: “Dar go deimhin gheobhaidh an fíréan luach saothair; tá Dia ann go dearfa a thugann breithiúnas ar talamh.”

Salmo 59

Súplica em prol de libertação

Ao mestre de canto, segundo a melodia “Não destruas”. Hino de Davi, quando Saul mandou que lhe sitiassem a casa, para o matar

1 Sm 19.11

[1] Livra-me, Deus meu, dos meus inimigos; põe-me acima do alcance dos meus adversários.
[2] Livra-me dos que praticam a iniqüidade e salva-me dos homens sanguinários,
[3] pois que armam ciladas à minha alma; contra mim se reúnem os fortes, sem transgressão minha, ó SENHOR, ou pecado meu.
[4] Sem culpa minha, eles se apressam e investem; desperta, vem ao meu encontro e vê.
[5] Tu, SENHOR, Deus dos Exércitos, és o Deus de Israel; desperta, pois, e vem de encontro a todas as nações; não te compadeças de nenhum dos que traiçoeiramente praticam a iniqüidade.

Salm 59

Saor mé ó lucht doirte Fola

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Leis an bhfonn “Ná scrios”. Mictam Dháivi nuair a chuir Sól fir uaidh a dhéanamh faire ar a theach d'fhonn é a mharú.*

[2] Fuascail mé ó mo naimhde, a Dhia, cosain mé ar a n-éiríonn i m'éadan.
[3] Fuascail mé ó lucht déanta na hurchóide agus saor mé ó lucht doirte fola.
[4] Féach! téann siad in oirchill ar m'anam; déanann na cumhachtaigh cogar ceilge i mo choinne; gan choir gan chion uaimse, a Thiarna,
[5] tugann siad sciuird fúm gan peaca de mo thaobhsa. Bí i do dhúiseacht! tar i gcabhair orm agus féach leat!
[6] Dia Iosrael thú, agus Tiarna na Slua. Éirigh agus smachtaigh na ciníocha, ná bíodh trua agat do lucht fill agus comhcheilge. ***(Selah)***

[6] Ao anoitecer, uivam como cães, à volta da cidade.

[7] Alardeiam de boca; em seus lábios há espadas. Pois dizem eles: Quem há que nos escute?

[8] Mas tu, SENHOR, te rirás deles; zombarás de todas as nações.

[9] Em ti, força minha, esperarei; pois Deus é meu alto refúgio.

[10] Meu Deus virá ao meu encontro com a sua benignidade, Deus me fará ver o meu desejo sobre os meus inimigos.

[11] Não os mates, para que o meu povo não se esqueça; dispersa-os pelo teu poder e abate-os, ó SENHOR, escudo nosso.

[12] Pelo pecado de sua boca, pelas palavras dos seus lábios, na sua própria soberba sejam enredados e pela abominação e mentiras que proferem.

[13] Consome-os com indignação, consome-os, de sorte que jamais existam e se saiba que reina Deus em Jacó, até aos confins da terra.

[14] Ao anoitecer, uivam como cães, à volta da cidade.

[15] Vagueiam à procura de comida e, se não se fartam, então, rosnam.

[16] Eu, porém, cantarei a tua força; pela manhã louvarei com alegria a tua misericórdia; pois tu me tens sido alto

[7] Filleann siad gach tráthnóna ar nós madraí ag sceamhaíl agus ag triall timpeall na cathrach.

[8] drannaíonn siad lena mbéal agus scaimh orthu, agus iad ag fiafraí dá chéile: “Cé a chluinfidh sinn?”

[9] Bíonn tusa, a Thiarna, ag gáire fúthu, is beag leat na náisiúin go léir.

[10] Is duitse a thabharfaidh mé moladh óir is tú mo Dhia is mo dhaingean.

[11] Go dtaga mo Dhia i gcabhair orm lena bhuanghrá agus dearcfaidh mé go buach ar mo naimhde.

[12] Ná lig dóibh, sula mbainfeadh dearmad de mo phobal; déantar a dtreascairt is a leagan ar lár, a Thiarna, ós tú is sciath dúinn!

[13] In éiric pheacaí a mbéal is a mbruas, i gcúiteamh a mallachtaí is a mbréag go mbeirtear orthu ina n-uabhar.

[14] Scrios iad le corp feirge, a Thiarna, scrios iad nó go rachaidh siad ar ceal. Bíodh a fhios acu go bhfuil Dia i réim ar Iacób agus ar chríocha na cruinne. ***(Selah)***

[15] Filleann siad gach tráthnona ar nós madraí ag sceamhaíl agus ag triall timpeall na cathrach;

[16] gabhann siad anonn is anall ar thóir bia, ag drannaíl dóibh mura bhfaigheann siad a sáith.

[17] Comórfaidh mise do chumhacht le cantaireacht agus gairdeoidh mé i do bhuanghrá le breacadh lae; óir ráinig tú i

refúgio e proteção no dia da minha angústia.

[17] A ti, força minha, cantarei louvores, porque Deus é meu alto refúgio, é o Deus da minha misericórdia.

do dhaingean agamsa agus i do dhídean dom ar uair na hanacra.

[18] Mo neart thú! is duitse a chanfaidh mé, óir is tú, a Thiarna, mo dhaingean, an Dia a thálann a bhuanghrá orm.

Salmo 60

Oração em tempos de guerra

Vs. 5-12: Salmo 108.6-13

Ao mestre de canto, segundo a melodia "Os lírios do testemunho". Hino de Davi para ensinar. Quando lutou contra os siros da Mesopotâmia e os siros de Zobá, e quando Joabe, regressando, derrotou de Edom doze mil homens, no vale do Sal

2 Sm 8.13; 1 Cr 18.12

[1] Ó Deus, tu nos rejeitaste e nos dispersaste; tens estado indignado; oh! Restabelece-nos!

[2] Abalaste a terra, fendeste-a; repara-lhe as brechas, pois ela ameaça ruir.

[3] Fizeste o teu povo experimentar reveses e nos deste a beber vinho que atordoa.

[4] Deste um estandarte aos que te temem, para fugirem de diante do arco.

[5] Para que os teus amados sejam livres, salva com a tua destra e responde-nos.

[6] Falou Deus na sua santidade: Exultarei; dividirei Siquém e medirei o vale de Sucote.

[7] Meu é Gileade, meu é Manassés; Efraim é a defesa de minha cabeça; Judá é o meu cetro.

Salm 60

Urnaí tar éis an Chatha

[1] *Do stiúrthóir an chóir. Leis an bhfonn "Lile an Dlí". Mictam le Dáiví. Le foghlaim.*

[2] *Nuair a ghabh sé amach i gcoinne Arám Naharaím agus Arám Zóbá nuair a tháinig Ióáb ar ais gur threascair sé Eadóm i nGleann an tSalainn - 12,000 (fear).*

[3] Theilg tú uait sinn, a Dhia, agus threascair tú sinn; bhí tú i bhfeirg linn, fill orainn arís.

[4] Chroith tú an talamh agus scoilt tú é. Déan a chréachtaí a leigheas óir tá sé ar crith.

[5] Chuir tú do phobal faoi chuing an chruatain, thug tú fíon ár mearaithe le hól dúinn.

[6] Thug tú comhartha don dream lenarb eagal tú ionas go dteithfidís as raon an bhogha, ***(Selah)***

[7] agus go ndéanfaí d'aos grá a shaoradh. Fóir orainn le do dheasláimh agus éist linn.

[8] Labhair Dia ina shanctóir agus gheall sé: "Roinnfidh mé Seicim go ríméadach agus déanfaidh mé Gleann Sucót a thomhas.

[9] Is liom tír Ghileád, is liom Manaise; is é Eafráim clogad mo chinn, is é Iúdá mar an gcéanna moríshlat;

[8] Moabe, porém, é a minha bacia de lavar; sobre Edom atirarei a minha sandália; sobre a Filístia jubilarei.

[9] Quem me conduzirá à cidade fortificada? Quem me guiará até Edom?

[10] Não nos rejeitaste, ó Deus? Tu não sais, ó Deus, com os nossos exércitos!

[11] Presta-nos auxílio na angústia, pois vão é o socorro do homem.

[12] Em Deus faremos proezas, porque ele mesmo calca aos pés os nossos adversários.

Salmo 61

Oração pelo rei

Ao mestre de canto. Com instrumentos de cordas. De Davi

[1] Ouve, ó Deus, a minha súplica; atende à minha oração.

[2] Desde os confins da terra clamo por ti, no abatimento do meu coração. Leva-me para a rocha que é alta demais para mim;

[3] pois tu me tens sido refúgio e torre forte contra o inimigo.

[4] Assista eu no teu tabernáculo, para sempre; no esconderijo das tuas asas, eu me abrigo.

[5] Pois ouviste, ó Deus, os meus votos e me deste a herança dos que temem o teu nome.

[6] Dias sobre dias acrescentas ao rei; duram os seus anos gerações após gerações.

[10] is é Móáb mo bháisín níocháin. Ar Eadóm a bhuailfidh mé mo bhróg, agus béarfaidh mé bua ar Fhilistía."

[11] Cé sheolfaidh isteach mé sa chathair chosanta? Cé thabharfaidh go hEadóm isteach mé?

[12] Nach tú a chuir uait sinn, a Dhia, ionas nach ngabhann tú amach lenár sluaite?

[13] Tabhair cúnamh dúinn in éadan ar naimhde óir is díomhaoin é cúnamh ón duine.

[14] Déanfaimid gaisce le cunamh ó Dhia óir is é a ghabhfaidh de chosa inár naimhde.

Salm 61

Ar son an Rí

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Ar théada ceoil. [Salm] le Dáiví.*

[2] Éist le mo ghlao, a Dhia; tabhair cluas do m'urnaí!

[3] Glaoim ort ó chríocha na cruinne nuair a chliseann mo chroí. Ar charraig nach bhfuil breith agam uirthi, cuir mé in airde, a Dhia,

[4] Óir is tú mo dhún is mo dhaingean in aghaidh an namhad.

[5] Mo thrua gan mé i mo chónaí i do phuball go brách na breithe, chun go bhfaighe mé díon agus dídean faoi scáth do sciathán. ***(Selah)***

[6] Óir d'éist tú le mo mhóideanna, a Dhia; thug tú dom oidhreacht an dreama arb eagal leo d'ainm.

[7] Cuir fad le saol an rí; go maire sé choíche!

[7] Permaneça para sempre diante de Deus; concede-lhe que a bondade e a fidelidade o preservem.
[8] Assim, salmodiarei o teu nome para sempre, para cumprir, dia após dia, os meus votos.

[8] Go raibh a réim go brách na breithe i bhfianaise Dé. Cuir trócaire ghrámhar agus dílse uait amach, á chaomhnú,

[9] agus molfaidh mé d'ainm go brách; díolfaidh mé mo mhóideanna gach aon lá.

Salmo 62

Exortação à confiança

Ao mestre de canto. Segundo a melodia de Jedutum. De Davi

[1] Somente em Deus, ó minha alma, espera silenciosa; dele vem a minha salvação.

[2] Só ele é a minha rocha, e a minha salvação, e o meu alto refúgio; não serei muito abalado.

[3] Até quando acometereis vós a um homem, todos vós, para o derribardes, como se fosse uma parede pendida ou um muro prestes a cair?

[4] Só pensam em derribá-lo da sua dignidade; na mentira se comprazem; de boca bendizem, porém no interior maldizem.

[5] Somente em Deus, ó minha alma, espera silenciosa, porque dele vem a minha esperança.

[6] Só ele é a minha rocha, e a minha salvação, e o meu alto refúgio; não serei jamais abalado.

[7] De Deus dependem a minha salvação e a minha glória; estão em Deus a minha forte rocha e o meu refúgio.

Salm 62

Dia ár nDídean

[1]*Don stiúrthóir. Dé réir Iduthun. Salm [le] Dáiví.*

[2] I nDia amháin atá m'anam ar a shuaimhneas; is uaidh a thagann mo chúnamh.

[3] Is é mo charraig é, mo shlánú agus mo dhaingean; ní dhéanfar mo bhogadh.

[4] Cá fhad a thabharfaidh sibh faoi dhuine, sibh go léir d'fhonn a bhriste, mar dhúmas gur bhalla fíorsceabhach é, nó fál ar tí titim?

[5] Beartaíonn siad ar mo leagan ar lár; is áil leo an t-éitheach. Bíonn an bheannacht ina mbéal de shíor agus an mhallacht ina gcroí. ***(Selah)***

[6] Bí ar do shuaimhneas i nDia amháin, a anam liom, óir is ann atá mo dhóchas.

[7] Is é mo charraig é, mo shlánú agus mo dhaingean; ní dhéanfar mo bhogadh.

[8] Is i nDia atá mo shlánú is mo ghlóir; is carraig chumhachtach agus díon dom é.

8 Confiai nele, ó povo, em todo tempo; derramai perante ele o vosso coração; Deus é o nosso refúgio.
9 Somente vaidade são os homens plebeus; falsidade, os de fina estirpe; pesados em balança, eles juntos são mais leves que a vaidade.
10 Não confieis naquilo que extorquis, nem vos vanglorieis na rapina; se as vossas riquezas prosperam, não ponhais nelas o coração.

11 Uma vez falou Deus, duas vezes ouvi isto: Que o poder pertence a Deus,

12 e a ti, SENHOR, pertence a graça, pois a cada um retribuis segundo as suas obras.

Salmo 63

Buscando a Deus

Salmo de Davi, quando no deserto de Judá

2 Sm 15.23,28

1 Ó Deus, tu és o meu Deus forte; eu te busco ansiosamente; a minha alma tem sede de ti; meu corpo te almeja, como terra árida, exausta, sem água.

2 Assim, eu te contemplo no santuário, para ver a tua força e a tua glória.

3 Porque a tua graça é melhor do que a vida; os meus lábios te louvam.

4 Assim, cumpre-me bendizer-te enquanto eu viver; em teu nome, levanto as mãos.

9 Cuirigí bhur ndóchas ann i gcónaí, a phobal; ligigí rún bhur gcroí leis. Is é Dia ár ndídean. ***(Selah)***
10 Níl san Ádhamhchlann ach puth anála, níl sna huaisle ach bréag; nuair a dhéantar a meá is éadroime iad uile ná an phuth anála féin.
11 Ná bíodh bhur ndóchas san ansmacht ná bhur maíomh san fhoghail. Má dhéantar bhur maoin a mhéadú ná santaigí in bhur gcroí í.
12 Aon uair amháin a labhair Dia, dhá ní a chuala mé; gur le Dia an chumhacht, a Thiarna,
13 agus gur leatsa an buanghrá, agus go ndíolann tú an comhar le gach aon neach de réir a shaothair.

Salm 63

Cíocras an Anama chun Dé

1*Salm Dháiví. Nuair a bhí sé ag lonnú i bhfásach Iúdá.*
2 A Dhia, mo Dhia thú, is tú a iarraim, tá íota tharta ar m'anam chugat. Ní théann lagadh ar mo cholainn ach ag tnúth leat amhail talamh túr tirim gan uisce.
3 Is mar sin a bhínn ag amharc ort san ionad naofa d'fhonn go bhfeicfinn do ghlóir is do chumhacht.
4 De bhrí gur fearr ná an bheatha féin do bhuanghrá, canfaidh mo bheola do mholadh.
5 Ar an ábhar sin beannóidh mé le mo bheo thú agus ardóidh mé mo lámha i d'ainmse.

[5] Como de banha e de gordura farta-se a minha alma; e, com júbilo nos lábios, a minha boca te louva,

[6] no meu leito, quando de ti me recordo e em ti medito, durante a vigília da noite.

[7] Porque tu me tens sido auxílio; à sombra das tuas asas, eu canto jubiloso.

[8] A minha alma apega-se a ti; a tua destra me ampara.

[9] Porém os que me procuram a vida para a destruir abismar-se-ão nas profundezas da terra.

[10] Serão entregues ao poder da espada e virão a ser pasto dos chacais.

[11] O rei, porém, se alegra em Deus; quem por ele jura gloriar-se-á, pois se tapará a boca dos que proferem mentira.

Salmo 64

Proteção contra os inimigos

Ao mestre de canto. Salmo de Davi

[1] Ouve, ó Deus, a minha voz nas minhas perplexidades; preserva-me a vida do terror do inimigo.

[2] Esconde-me da conspiração dos malfeitores e do tumulto dos que praticam a iniqüidade,

[3] os quais afiam a língua como espada e apontam, quais flechas, palavras amargas,

[4] para, às ocultas, atingirem o íntegro; contra ele disparam repentinamente e não temem.

[6] Líonfar m'anam mar a líonfaí le fleá é, agus molfaidh mo bhéal le ríméad thú.

[7] I mo luí dom ar mo leaba bím ag cuimhneamh ort, bím ag smaoineamh ort i dtráthanna na hoíche;

[8] óir ráinig tú i do chúntóir agam, agus gairdím faoi scáth do sciathán.

[9] Tá m'anam ag cloí go dlúth leat, agus coinníonn do dheaslámh suas mé.

[10] An dream atá ar tí m'anama chun a scriosta, rachaidh siad síos i ndoimhneacht na talún.

[11] Tabharfar suas do chumhacht an chlaímh iad agus déanfaidh na seacáil a gcuid orthu.

[12] Is i nDia a dhéanfaidh an rí gairdeas, agus beidh áthas ar a mionnaíonn dar eisean, ach cuirfear béal lucht éithigh ina thost.

Salm 64

Lucht na Tromaíochta

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Salm Dháiví.*

[2] Éist le mo ghlor is mé ag gearán, a Dhia; cosain mo bheo ar eagla an namhad.

[3] Folaigh mé ar lucht an oilc agus a scéimeanna, ar an ngramaisc seo de lucht na hurchóide.

[4] Cuireann siad faobhar ar a dteanga mar chlaíomh agus scaoileann a mbriathra nimhe amhail saigheada;

[5] scaoileann siad ó chúl clúide leis an bhfíréan, ‘s iad ag caitheamh leis go tobann gan eagla.

[5] Teimam no mau propósito; falam em secretamente armar ciladas; dizem: Quem nos verá?

[6] Projetam iniqüidade, inquirem tudo o que se pode excogitar; é um abismo o pensamento e o coração de cada um deles.

[7] Mas Deus desfere contra eles uma seta; de súbito, se acharão feridos.

[8] Dessarte, serão levados a tropeçar; a própria língua se voltará contra eles; todos os que os vêem meneiam a cabeça.

[9] E todos os homens temerão, e anunciarão as obras de Deus, e entenderão o que ele faz.

[10] O justo se alegra no SENHOR e nele confia; os de reto coração, todos se gloriam.

Salmo 65

Ações de graças pelas bênçãos das searas

Ao mestre de canto. De Davi. Cântico

[1] A ti, ó Deus, confiança e louvor em Sião! E a ti se pagará o voto.

[2] Ó tu que escutas a oração, a ti virão todos os homens,

[3] por causa de suas iniqüidades. Se prevalecem as nossas transgressões, tu no-las perdoas.

[4] Bem-aventurado aquele a quem escolhes e aproximas de ti, para que assista nos teus átrios; ficaremos satisfeitos com a bondade de tua casa – o teu santo templo.

[6] Beartaíonn siad a ndrochbhearta go diongbháilte 's iad i gcogar le chéile go folaitheach, á rá lena chéile: "Cé a fheicfidh sinn:

[7] cé a fhéadfaidh ár gcionta a thóraíocht?" Ach an té sin a thóraíonn an aigne, arb eol dó rúndiamhra an chroí -

[8] scaoilfidh Dia a shaigheada leo go tobann, agus déanfaidh sé a ngoin gan choinne.

[9] A dteanga féin a dhéanfaidh iad a mhilleadh, agus déanfaidh a bhfeicfidh iad fonóid fúthu.

[10] Beidh eagla ar gach aon neach an uair sin, inseoidh siad a bhfuil déanta ag Dia, agus tuigfidh siad gníomhartha Dé.

[11] Gairdeoidh an fíréan sa Tiarna, rachaidh sé ag triall air faoi dhóchas agus beidh lucht an chroí chneasta ag déanamh mórtais.

Salm 65

Altú Buíochais do Dhia

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Salm Dháiví. Amhrán.*

[2] Is duit is dleacht ár moladh i Síón, a Dhia. Is duit a chomhlíonfar ár móid,

[3] ós tú a éisteann lenár nguí. Ortsa atá triall gach aon neach

[4] lena eire urchóide. Luíonn ár lochtanna go trom orainn ach tugann tusa maithiúnas dúinn.

[5] Com tremendos feitos nos respondes em tua justiça, ó Deus, Salvador nosso, esperança de todos os confins da terra e dos mares longínquos;

[6] que por tua força consolidas os montes, cingido de poder;

[7] que aplacas o rugir dos mares, o ruído das suas ondas e o tumulto das gentes.

[8] Os que habitam nos confins da terra temem os teus sinais; os que vêm do Oriente e do Ocidente, tu os fazes exultar de júbilo.

[9] Tu visitas a terra e a regas; tu a enriqueces copiosamente; os ribeiros de Deus são abundantes de água; preparas o cereal, porque para isso a dispões,

[10] regando-lhe os sulcos, aplanando-lhe as leivas. Tu a amoleces com chuviscos e lhe abençoas a produção.

[11] Coroas o ano da tua bondade; as tuas pegadas destilam fartura,

[12] destilam sobre as pastagens do deserto, e de júbilo se revestem os outeiros.

[13] Os campos cobrem-se de rebanhos, e os vales vestem-se de espigas; exultam de alegria e cantam.

Salmo 66

[5] Is méanar don té a roghnaíonn tú, á ghlaoch chun do chúirteanna. Sásófar le flúirse do thí sinn, le hionad naofa do theampaill.

[6] Déanann tú éachtaí i d'fhíréantacht dúinn, a Dhia ár slánaithe. Dóchas críocha uile na cruinne thú agus na bhfarraigí imigéiniúla.

[7] Daingníonn tú na sléibhte le do neart ar do chrioslú le cumhacht.

[8] Maolaíonn tú fothram na farraige agus torann na dtonnta agus gleo na gciníocha.

[9] Lucht cónaithe chríocha na cruinne, is eagal leo d'éachtaí. Cuireann tú áthas ar imill imchiana an Oirthir is an Iarthair.

[10] Thug tú cuairt ar an talamh, á huisciú, gur mhéadaigh tú a maoin. Sceitheann abhainn Dé thar bruacha d'fhonn arbhar a sholáthar di.

[11] Is mar sin a ullmhaíonn tú an talamh, ag tabhairt uisce dá claiseanna. Déanann tú a bogadh le ceathanna; beannaíonn tú a geamhair.

[12] Chuir tú barr ar an mbliain le d'fhéile agus tá do chéimeanna ar sileadh le méathras

[13] agus féaraigh an fhásaigh faoi bhláth. Tá na cnoic arna gcrioslú le gairdeas agus na móinéir ag cur thar maoil le tréada. Tá na gleannta faoi bhrat arbhair; tógann siad gártha agus canaid le háthas.

Salm 66

Ofertas de gratidão

Ao mestre de canto. Cântico. Salmo

1 Aclamai a Deus, toda a terra.

2 Salmodiai a glória do seu nome, dai glória ao seu louvor.

3 Dizei a Deus: Que tremendos são os teus feitos! Pela grandeza do teu poder, a ti se mostram submissos os teus inimigos.

4 Prostra-se toda a terra perante ti, canta salmos a ti; salmodia o teu nome.

5 Vinde e vede as obras de Deus: tremendos feitos para com os filhos dos homens!

6 Converteu o mar em terra seca; atravessaram o rio a pé; ali, nos alegramos nele.

7 Ele, em seu poder, governa eternamente; os seus olhos vigiam as nações; não se exaltem os rebeldes.

8 Bendizei, ó povos, o nosso Deus; fazei ouvir a voz do seu louvor;

9 o que preserva com vida a nossa alma e não permite que nos resvalem os pés.

10 Pois tu, ó Deus, nos provaste; acrisolaste-nos como se acrisola a prata.

11 Tu nos deixaste cair na armadilha; oprimiste as nossas costas;

12 fizeste que os homens cavalgassem sobre a nossa cabeça; passamos pelo fogo e pela água; porém, afinal, nos trouxeste para um lugar espaçoso.

13 Entrarei na tua casa com holocaustos; pagar-te-ei os meus votos,

Ollmhaitheas Dé

1*Don stiúrthóir. Amhrán. Salm.* Gairdigí i láthair Dé, a thíortha uile,

2canaigí Salm le hurraim dá ainm. Tugaigí moladh agus glóir dó;

3Abraigí le Dia: “Nach éachtach iad d'oibreacha! Tá de mhéid do nirt, a Thiarna, go mbíonn do naimhde ag lútáil i do láthair.

4Umhlóidh an domhan uile i d'fhianaise agus canfaidh siad Salm do d'ainm.” ***(Selah)***

5Téanaigí agus féachaigí oibreacha Dé - na héachtaí a rinne sé idir daoine.

6Rinne sé talamh tirim den mhuir ionas go ndeachaigh siad de chosa tríd an abhainn; déanaimis gairdeas ann, dá bhrí sin.

7Rialaíonn sé lena chumhacht go brách; bíonn a shúile ag faire na náisiún sula n-éireodh lucht ceannairce ina éadan.

8Beannaígí dár nDia, a chiníocha, go gcluintear a mholadh os ard,

9Óir is é a thug beatha dár n-anam agus nár lig dár gcosa bheith ag tuisliú.

10Óir is tú, a Dhia, a thástáil sinn, mar a thriailtear an t-airgead sa tine.

11Sheol tú isteach sa líon sinn gur leag tú tromualach anuas orainn.

12Chuir tú daoine ag marcaíocht sa mhullach orainn go ndeachamar trí thine is trí uisce; ach threoraigh tú amach chun na saoirse sinn.

13Tabharfaidh mé íobairtí dóite chun do thí liom; leatsa a dhíolfaidh mé mo mhóideanna -

[14] que proferiram os meus lábios, e que, no dia da angústia, prometeu a minha boca.

[15] Oferecer-te-ei holocaustos de vítimas cevadas, com aroma de carneiros; imolarei novilhos com cabritos.

[16] Vinde, ouvi, todos vós que temeis a Deus, e vos contarei o que tem ele feito por minha alma.

[17] A ele clamei com a boca, com a língua o exaltei.

[18] Se eu no coração contemplara a vaidade, o SENHOR não me teria ouvido.

[19] Entretanto, Deus me tem ouvido e me tem atendido a voz da oração.

[20] Bendito seja Deus, que não me rejeita a oração, nem aparta de mim a sua graça.

Salmo 67

As nações rendem graças

Ao mestre de canto. Para instrumentos de cordas. Salmo. Cântico

[1] Seja Deus gracioso para conosco, e nos abençoe, e faça resplandecer sobre nós o rosto;

[2] para que se conheça na terra o teu caminho e, em todas as nações, a tua salvação.

[3] Louvem-te os povos, ó Deus; louvem-te os povos todos.

[4] Alegrem-se e exultem as gentes, pois julgas os povos com eqüidade e guias na terra as nações.

[14]na móideanna a gheall mé ó bhéal duit agus a chan mo theanga le linn mo bhuartha.

[15]Ofrálfaidh mé caoirigh méithe uileloiscthe mar aon le deatach reithí dóite; ofrálfaidh mé damhra agus gabhair duit.

[16]Téanaigí, a bhfuil eagla Dé oraibh, go n-inseoidh mé a ndearna sé do m'anam.

[17]Ghlaoigh mé os ard air le mo bhéal agus rinne mé a mholadh le mo theanga.

[18]Dá gcothóinn an urchóid i mo chroí ní éistfeadh an Tiarna liom.

[19]Ach d'éist mo Dhia go dearfa; thug sé aire do ghlór mo ghuí.

[20]Moladh le Dia nár eitigh mé ar m'achainí, agus nár tharraing a bhuanghrá uaim.

Salm 67

Buíochas le Dia as ucht an Fhómhair

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Ar théada ceoil. Salm. Amhrán.*

[2] Bí trócaireach linn, a Thiarna, agus beannaigh sinn; taispeáin dúinn solas do ghnúise.

[3] Chun go n-aithneofaí do shlí ar talamh agus do shlánú i measc na náisiún go léir.

[4] Go mola na ciníocha thú, a Dhia; go mola na ciníocha go léir thú.

[5] Go ndéana na náisiúin lúcháir agus gairdeas toisc go rialaíonn tú an domhan le fíréantacht, [Rialaíonn tú na ciníocha le

cothromas]; treoraíonn tú na náisiúin ar talamh. *(Selah)*

[5] Louvem-te os povos, ó Deus; louvem-te os povos todos.

[6] Go mola na ciníocha thú, a Dhia; go mola na ciníocha go léir thú.

[6] A terra deu o seu fruto, e Deus, o nosso Deus, nos abençoa.

[7] Thug an talamh a thoradh uaidh go flúirseach; agus chuir Dia, ár nDia, a bheannacht orainn.

[7] Abençoe-nos Deus, e todos os confins da terra o temerão.

[8] Go mbeannaí ár nDia i gcónaí sinn agus gurab eagal le críocha na cruinne é!

Salmo 68

A vitória de Deus sobre os seus inimigos
Ao mestre de canto. Salmo de Davi. Cântico

Salm 68

Caithréim agus Bua

[1] Levanta-se Deus; dispersam-se os seus inimigos; de sua presença fogem os que o aborrecem.

[1] *Do stiúrthóir an chóir. Salm Dháiví. Amhrán.*

[2] Como se dissipa a fumaça, assim tu os dispersas; como se derrete a cera ante o fogo, assim à presença de Deus perecem os iníquos.

[2] Éireoidh Dia agus scaipfear a naimhde agus teithfidh as a láthair an dream a thugann fuath dó.

[3] Os justos, porém, se regozijam, exultam na presença de Deus e folgam de alegria.

[3] Mar a scaiptear an deatach is amhlaidh a scaipfear iad; mar chéir a leátar i láthair na tine rachaidh na peacaigh ar neamhní i bhfianaise Dé.

[4] Cantai a Deus, salmodiai o seu nome; exaltai o que cavalga sobre as nuvens. SENHOR é o seu nome, exultai diante dele.

[4] Ach beidh áthas ar na fíréin i bhfianaise Dé, déanfaidh siad gairdeas go meidhreach meanmnach.

[5] Pai dos órfãos e juiz das viúvas é Deus em sua santa morada.

[5] Canaigí amhrán do Dhia agus seinnigí dá ainm, déanaigí slí don té atá ag marcaíocht ar na néalta; gairdigí don Tiarna, déanaigí lúcháir ina láthair.

[6] Deus faz que o solitário more em família; tira os cativos para a prosperidade; só os rebeldes habitam em terra estéril.

[6] Athair na ndílleachtaí agus caomhnóir na mbaintreach; is é sin Dia ina áras naofa.

[7] Ao saíres, ó Deus, à frente do teu povo, ao avançares pelo deserto,

[8] tremeu a terra; também os céus gotejaram à presença de Deus; o próprio Sinai se abalou na presença de Deus, do Deus de Israel.

[9] Copiosa chuva derramaste, ó Deus, para a tua herança; quando já ela estava exausta, tu a restabeleceste.

[10] Aí habitou a tua grei; em tua bondade, ó Deus, fizeste provisão para os necessitados.

[11] O SENHOR deu a palavra, grande é a falange das mensageiras das boas-novas.

[12] Reis de exércitos fogem e fogem; a dona de casa reparte os despojos.

[13] Por que repousais entre as cercas dos apriscos? As asas da pomba são cobertas de prata, cujas penas maiores têm o brilho flavo do ouro.

[14] Quando o Todo-Poderoso ali dispersa os reis, cai neve sobre o monte Zalmom.

[15] O monte de Deus é Basã, serra de elevações é o monte de Basã.

[16] Por que olhais com inveja, ó montes elevados, o monte que Deus escolheu para sua habitação? O SENHOR habitará nele para sempre.

[7] Is é Dia a thugann teallach don aonarán uaigneach; seolann sé na braighdeanaigh chun saoirse agus sonais, ach fágann sé lucht ceannairce i dtalamh gan uisce.

[8] A Dhia, nuair a ghabh tú roimh do phobal amach, nuair a thriall tú tríd an bhfásach bhí an talamh ar crith. ***(Selah)***

[9] Bhí néalta neimhe ag díle báistí i bhfianaise Dé - i bhfianaise Dé is Dia do Iosrael.

[10] D'fhear tú flúirse fearthainne, a Dhia, ar d'oidhreacht; thug tú beatha do do phobal agus iad ar an ngorta.

[11] Is ann a lonnaigh do phobal de bharr do chineáltais mar a ndearna tú soláthar, a Dhia, do lucht an ghátair.

[12] Tugann an Tiarna an briathar uaidh; is líonmhar an slua iad lucht inste dea-scéala:

[13] "Cuirtear ruaig is raon maidhme ar ríthe na sluaite agus tá an bhantracht sa bhaile ag roinnt na creiche.

[14] Bíodh go bhfuil sibhse in bhur luí i measc chróite na gcaorach tá sciatháin an choilm arna gclúdach le hairgead agus a chleití ag drithliú le ruithne an óir,

[15] San uair a scaip an tUilechumhachtach na ríthe agus leag sé ar lár iad mar shneachta ar Shalmón."

[16] Is maorga na sléibhte iad sléibhte Bháiseán; is sléibhte beannacha iad sléibhte Bháiseán.

[17] Os carros de Deus são vinte mil, sim, milhares de milhares. No meio deles, está o SENHOR; o Sinai tornou-se em santuário.

[18] Subiste às alturas, levaste cativo o cativeiro; recebeste homens por dádivas, até mesmo rebeldes, para que o SENHOR Deus habite no meio deles.

[19] Bendito seja o SENHOR que, dia a dia, leva o nosso fardo! Deus é a nossa salvação.

[20] O nosso Deus é o Deus libertador; com Deus, o SENHOR, está o escaparmos da morte.

[21] Sim, Deus parte a cabeça dos seus inimigos e o cabeludo crânio do que anda nos seus próprios delitos.

[22] Disse o SENHOR: De Basã os farei voltar, fá-los-ei tornar das profundezas do mar,

[23] para que banhes o pé em sangue, e a língua dos teus cães tenha o seu quinhão dos inimigos.

[24] Viu-se, ó Deus, o teu cortejo, o cortejo do meu Deus, do meu Rei, no santuário.

[25] Os cantores iam adiante, atrás, os tocadores de instrumentos de cordas, em meio às donzelas com adufes.

[26] Bendizei a Deus nas congregações, bendizei ao SENHOR, vós que sois da estirpe de Israel.

[17] Cad fáth a bhfuil éad oraibh, a shléibhte beannacha, ag féachaint ar an sliabh daoibh a thogh Dia mar áras? Is ann a bheidh an Tiarna ina chónaí go brách.

[18] Tá na mílte agus na mílte de charbaid Dé ann; tháinig an Tiarna ó Shíonái chun an ionaid naofa.

[19] Ghabh tú in airde agus braighdeanaigh mar aon leat agus ghlac tú le tíolacthaí ó dhaoine, a Thiarna - fiú amháin ó lucht ceannairce i d'áras, a Dhia.

[20] Moladh leis an Tiarna ó lá go chéile, an Dia a thugann taca dúinn; is é ar slánaitheoir é. ***(Selah)***

[21] Dia a thugann tarrtháil orainn an Dia seo againne; tugann an Tiarna ár nDia doras éalaithe ón mbás dúinn.

[22] Déanfaidh Dia go dearfa cloigeann a naimhde a bhascadh; baithis mhongach an té a chéimníonn gan staonadh ina chionta.

[23] Is é a dúirt an Tiarna: tabharfaidh mé ar ais ó Bháiseán iad; tabharfaidh mé ar ais iad ó dhuibheagáin na mara,

[24] chun go dtomfaidh tú do chosa i bhfuil do naimhde agus go mbeidh a gcuid féin díobh ag teangacha do mhadraí.

[25] Feictear do mhórshiúlta sollúnta, a Dhia; mórshiúlta mo Dhé agus mo Rí san ionad naofa;

[26] na cantairí i dtús an tslua, na cruitirí ar deireadh, na cailíní ina lár istigh ag seinm ar thiompáin.

[27] Ali, está o mais novo, Benjamim, que os precede, os príncipes de Judá, com o seu séquito, os príncipes de Zebulom e os príncipes de Naftali.

[28] Reúne, ó Deus, a tua força, força divina que usaste a nosso favor,

[29] oriunda do teu templo em Jerusalém. Os reis te oferecerão presentes.

[30] Reprime a fera dos canaviais, a multidão dos fortes como touros e dos povos com novilhos; calcai aos pés os que cobiçam barras de prata. Dispersa os povos que se comprazem na guerra.

[31] Príncipes vêm do Egito; a Etiópia corre a estender mãos cheias para Deus.

[32] Reinos da terra, cantai a Deus, salmodiai ao SENHOR,

[33] àquele que encima os céus, os céus da antiguidade; eis que ele faz ouvir a sua voz, voz poderosa.

[34] Tributai glória a Deus; a sua majestade está sobre Israel, e a sua fortaleza, nos espaços siderais.

[35] Ó Deus, tu és tremendo nos teus santuários; o Deus de Israel, ele dá força e poder ao povo. Bendito seja Deus!

[27] Molaigí an Tiarna i gcomhthionóil shollúnta; molaigí bhur nDia, a shliocht chlann Iosrael.

[28] Siúd é Biniáimin an té is óige i dtosach an tslua agus siúd iad flatha Iúdá ag gluaiseacht ina sluaite; mar aon le flatha Zabúlun agus flatha Naftáilí.

[29] Cruinnigh do chumhacht, a Dhia, nocht dúinn do neart, an chumhacht sin a d'oibrigh tú a Dhia, ar ár son.

[30] As ucht do theampaill in Iarúsailéim in airde, bíonn mórán ríthe ag tabhairt tíolacthaí chugat.

[31] Bí ag bagairt ar ainmhithe allta na ngiolcach, táinte na dtarbh agus laonna na gciníocha; sléachtaidís go humhal duit le bronntanais airgid; cuir scaipeadh ar na ciníocha a bhfuil a ndúil sa chogadh.

[32] Tiocfaidh na flatha ag triall ort ón Éigipt agus sínfidh an Aetóip a lámha chun Dé.

[33] Canaigí do Dhia, a ríochtaí na cruinne, seinnigí moladh ar an gcláirseach don Tiarna ***(Selah)***

[34] atá ina shuí ar néalta neimhe os ar gcionn in airde; ardaíonn sé a ghlór agus is cumasach an glór é.

[35] Tagaigí agus admhaígí mórchumhacht Dé a bhfuil ceannas aige ar Iosrael agus cumhacht sna spéartha. Is ineaglaithe Dia Iosrael ina shanctóir naofa; is é a thugann neart agus cumhacht dá phobal. Moladh le Dia!

Salmo 69

O lamento do Messias

Ao mestre de canto. Segundo a melodia “Os lírios”. De Davi

[1] Salva-me, ó Deus, porque as águas me sobem até à alma.

[2] Estou atolado em profundo lamaçal, que não dá pé; estou nas profundezas das águas, e a corrente me submerge.

[3] Estou cansado de clamar, secou-se-me a garganta; os meus olhos desfalecem de tanto esperar por meu Deus.

[4] São mais que os cabelos de minha cabeça os que, sem razão, me odeiam; são poderosos os meus destruidores, os que com falsos motivos são meus inimigos; por isso, tenho de restituir o que não furtei.

[5] Tu, ó Deus, bem conheces a minha estultice, e as minhas culpas não te são ocultas.

[6] Não sejam envergonhados por minha causa os que esperam em ti, ó SENHOR, Deus dos Exércitos; nem por minha causa sofram vexame os que te buscam, ó Deus de Israel.

[7] Pois tenho suportado afrontas por amor de ti, e o rosto se me encobre de vexame.

[8] Tornei-me estranho a meus irmãos e desconhecido aos filhos de minha mãe.

[9] Pois o zelo da tua casa me consumiu, e as injúrias dos que te ultrajam caem sobre mim.

Salm 69

Táim ar lasadh le dúthracht do do Theach

[1]*Don stiúrthóir. Leis an bhfonn “Na Lilí”. [Salm] Dháiví.* Tarrthaigh mé, a Dhia; tá na huiscí go bun na gcluas orm.

[2]Táim do mo shlogadh i láib an duibheagáin, gan cos i dtaca agam.

[3] Chuaigh mé thar foras i ndoimhne na mara; táim do mo bhá ag na tonnta.

[4] D'éirigh mé cortha de bheith ag glaoch; tá mo scornach tirim. Tá radharc mo shúl ag meath orm agus mé ag feitheamh le mo Dhia.

[5] Ní lia ribí mo chinn ná lucht m'fhuatha gan fáth. An drong lér mian mo mhilleadh sáraíonn siad mé go héagórach. An amhlaidh a thabharfaidh mé ar ais an ní nár ghoid mé?

[6] Is eol duit mo bhaois, a Dhia; is léir duit mo chionta.

[7] Nára cúis náire mé do d'aos muiníne, a Thiarna Dia na slua. Nára cúis anbhá mé dá mbíonn ag feitheamh leat, a Dhia Iosrael.

[8] Ar do shonsa a d'fhulaing mé aithis agus bhí luisne na náire i mo ghnúis.

[9] Is strainséir mé ag mo bhráithre féin; is coigríoch mé ag clann mo mháthar.

[10] Tá mé ar lasadh le dúthracht do do theach; is orm a thit aithisí lucht do cháinte.

[10] Chorei, em jejum está a minha alma, e isso mesmo se me tornou em afrontas.

[11] Pus um pano de saco por veste e me tornei objeto de escárnio para eles.

[12] Tagarelam sobre mim os que à porta se assentam, e sou motivo para cantigas de beberrões.

[13] Quanto a mim, porém, SENHOR, faço a ti, em tempo favorável, a minha oração. Responde-me, ó Deus, pela riqueza da tua graça; pela tua fidelidade em socorrer,

[14] livra-me do tremedal, para que não me afunde; seja eu salvo dos que me odeiam e das profundezas das águas.

[15] Não me arraste a corrente das águas, nem me tragae a voragem, nem se feche sobre mim a boca do poço.

[16] Responde-me, SENHOR, pois compassiva é a tua graça; volta-te para mim segundo a riqueza das tuas misericórdias.

[17] Não escondas o rosto ao teu servo, pois estou atribulado; responde-me depressa.

[18] Aproxima-te de minha alma e redime-a; resgata-me por causa dos meus inimigos.

[19] Tu conheces a minha afronta, a minha vergonha e o meu vexame; todos os meus adversários estão à tua vista.

[20] O opróbrio partiu-me o coração, e desfaleci; esperei por piedade, mas debalde; por consoladores, e não os achei.

[11] Nuair a chiap mé m'anam le troscadh chaith siad achasán liom dá chionn.

[12] Agus an uair a chuir mé sacéadach orm is amhlaidh a bhí mé i mo cheap magaidh acu.

[13] Bíonn na dailtíní sráide ag tromaíocht orm, agus is ábhar amhrán mé ag lucht ólacháin.

[14] Chugatsa a chuirim m'urnaí, a Thiarna, ar uair na faille, a Dhia. Éist liom de réir do mhórthrócaire agus do chúnaimh gan teip.

[15] Tóg as an láib mé d'eagla mo bháite; saor mé ó m'eascairde. Saor mé ó dhuibheagán na mara

[16] sula n-éirí na tonnta orm. Nár shloga an fharraige siar mé; nár dhúna an poll orm.

[17] Freagair mé as ucht do bhuanghrá, a Thiarna, iompaigh chugam de réir do mhórthrócaire.

[18] Ná folaigh do ghnúis ar do ghiolla; freagair mé go luath mar go bhfuilim faoi bhuairt.

[19] Tar i ngar do m'anam agus fuascail mé; saor mé mar gheall ar mo naimhde.

[20] Is eol duit m'aithis is mo náire, tá m'eascairde go léir i do láthair.

[21] Is briste mo chroí de chionn aithise ionas gur fágadh mé go faonlag fann. Bhí mé ag súil le trua ach ní bhfuair mé é; le lucht fortachta, ach ní raibh siad le fáil.

[21] Por alimento me deram fel e na minha sede me deram a beber vinagre.

[22] Thugadar domlas le hithe dom agus fínéagra le hol dom i mo thart.

[22] Sua mesa torne-se-lhes diante deles em laço, e a prosperidade, em armadilha.

[23] Go raibh a mbord ina dhol chun a gceaptha agus a bhfleánna ina ngaiste dá gcairde.

[23] Obscureçam-se-lhes os olhos, para que não vejam; e faze que sempre lhes vacile o dorso.

[24] Go ndalltar a súile ionas nach bhfeice siad; go raibh crith cos is lámh orthu go brách.

[24] Derrama sobre eles a tua indignação, e que o ardor da tua ira os alcance.

[25] Go lige tú do racht amach orthu. Go mbeire orthu teas do dhíbheirge.

[25] Fique deserta a sua morada, e não haja quem habite as suas tendas.

[26] Go bhfágtar a gcampa ina uaigneas; go bhfágtar a n-áitribh gan neach iontu.

[26] Pois perseguem a quem tu feriste e acrescentam dores àquele a quem golpeaste.

[27] Óir chuir siad tóir ar an té a bhuail tú, agus chuir créacht leis na créachtaí a thug tú dó.

[27] Soma-lhes iniqüidade à iniqüidade, e não gozem da tua absolvição.

[28] Cuir urchóid i gcionn a n-urchóide, agus nár thaga siad choíche chun d'fhíréantachta.

[28] Sejam riscados do Livro dos Vivos e não tenham registro com os justos.

[29] Scriostar as leabhar na mbeo iad agus ná scríobhtar a n-ainmneacha i measc na bhfíréan!

[29] Quanto a mim, porém, amargurado e aflito, ponha-me o teu socorro, ó Deus, em alto refúgio.

[30] Maidir liomsa, cé gur daibhir dobrónach mé, déanfaidh do chúnamh mé a thógáil, a Dhia.

[30] Louvarei com cânticos o nome de Deus, exaltá-lo-ei com ações de graças.

[31] Molfaidh mé ainm Dé le hamhrán agus mórfaidh mé é le breith buíochais.

[31] Será isso muito mais agradável ao SENHOR do que um boi ou um novilho com chifres e unhas.

[32] Is mó a thaitneoidh sin leis an Tiarna ná damhra le hadharca agus crúba.

[32] Vejam isso os aflitos e se alegrem; quanto a vós outros que buscais a Deus, que o vosso coração reviva.

[33] Féachaigí, a lucht na huirísle, agus gairdigí; bíodh tógáil croí oraibh, a lucht chuardaithe an Tiarna.

[33] Porque o SENHOR responde aos necessitados e não despreza os seus prisioneiros.

[34] Óir éisteann an Tiarna leis na bochta; ní thugann sé droim láimhe dá bhraighdeanaigh.

[34] Louvem-no os céus e a terra, os mares e tudo quanto neles se move.
[35] Porque Deus salvará Sião e edificará as cidades de Judá, e ali habitarão e hão de possuí-la.

[36] Também a descendência dos seus servos a herdará, e os que lhe amam o nome nela habitarão.

[35] Go mola na spéartha agus an talamh é; an mhuir agus a maireann inti.

[36] Óir déanfaidh Dia Síón a shaoradh agus atógfaidh sé cathracha Iúdá.

[37] Déanfar cónaí iontu, beifear á sealbhú: beidh siad ina n-oidhreacht ag sliocht a sheirbhíseach, ina n-áitreabh ag lucht a ainm a ghráú.

Salmo 70

Petição por auxílio divino
Salmo 40.13-17

Ao mestre de canto. De Davi. Em memória

[1] Praza-te, ó Deus, em livrar-me; dá-te pressa, ó SENHOR, em socorrer-me.
[2] Sejam envergonhados e cobertos de vexame os que me demandam a vida; tornem atrás e cubram-se de ignomínia os que se comprazem no meu mal.
[3] Retrocedam por causa da sua ignomínia os que dizem: Bem-feito! Bem-feito!
[4] Folguem e em ti se rejubilem todos os que te buscam; e os que amam a tua salvação digam sempre: Deus seja magnificado!
[5] Eu sou pobre e necessitado; ó Deus, apressa-te em valer-me, pois tu és o meu amparo e o meu libertador. SENHOR, não te detenhas!

Salm 70

Blogh

[1]*Don stiúrthóir. [Salm] Dháiví. Mar chuimhneachán.*
[2] Go mba toil leat, a Dhia, mé a fhuascailt; brostaigh, a Thiarna, agus cabhraigh liom.
[3] Go raibh náire agus ceann faoi ar an dream a bhfuil mo bheo agus m'anam uathu. Go gcuirtear ar gcúl faoi náire a bhfuil ag dréim le mo mhilleadh.
[4] Go ngabha ar ais faoi mhearbhall an drong a deir liom: “Há, há!”

[5] Go ndéana a mbíonn do d'iarraidh ríméad agus gairdeas. Go ndeire an dream lenarb áil do chúnamh: “Moladh le Dia!”

[6] Ós dealbh dearóil mé, tar chugam, a Dhia. Is tú mo chabhair is m'fhuascailteoir, ná moilligh, a Thiarna!

Salmo 71

Súplicas de um ancião

[1] Em ti, SENHOR, me refugio; não seja eu jamais envergonhado.

Salm 71

Urnaí na Seanaoise

[1]Ortsa, a Thiarna, atá mo thriall; nár dhéantar mo náiriú go deo.

[2] Livra-me por tua justiça e resgata-me; inclina-me os ouvidos e salva-me.

[2]Fuascail mé i d'fhíréantacht agus saor mé; claon chugam do chluas agus tarrthaigh mé.

[3] Sê tu para mim uma rocha habitável em que sempre me acolha; ordenaste que eu me salve, pois tu és a minha rocha e a minha fortaleza.

[3]Bí agam i do charraig dhídine, i do dhúnfort daingean do mo tharrtháil; óir is tú mo charraig is mo dhún.

[4] Livra-me, Deus meu, das mãos do ímpio, das garras do homem injusto e cruel.

[4]Fuascail mé as láimh an urchóidigh, as greim an ainbheartaigh agus an aintiarna.

[5] Pois tu és a minha esperança, SENHOR Deus, a minha confiança desde a minha mocidade.

[5]Óir is leat atá mé ag feitheamh, a Thiarna; a Dhia, is tú mo dhóchas ó m'óige.

[6] Em ti me tenho apoiado desde o meu nascimento; do ventre materno tu me tiraste, tu és motivo para os meus louvores constantemente.

[6]Is ort atá mo sheasamh ó rugadh mé, ó bhroinn mo mháthar ba thú mo dhídean; ionat a bhíodh mo dhóchas i gcónaí.

[7] Para muitos sou como um portento, mas tu és o meu forte refúgio.

[7]Ba ábhar iontais mé ag mórán daoine ach is tú mo chúntóir cumasach.

[8] Os meus lábios estão cheios do teu louvor e da tua glória continuamente.

[8]Is lán mo bhéal de do mholadh agus de do ghlóir ar feadh an lae.

[9] Não me rejeites na minha velhice; quando me faltarem as forças, não me desampares.

[9]Ná caith uait mé i ndeireadh m'aoise; ná fág mé liom féin nuair a mheathfaidh mo bhrí orm.

[10] Pois falam contra mim os meus inimigos; e os que me espreitam a alma consultam reunidos,

[10]Óir bím i mbéal mo naimhde; téann lucht mo bhraite i gcomhairle le chéile

[11] dizendo: Deus o desamparou; persegui-o e prendei-o, pois não há quem o livre.

[11]á rá: “Tá sé tréigthe ag Dia; téigí ar a thóir agus beirigí air, óir níl aon neach ann lena shaoradh.”

[12] Não te ausentes de mim, ó Deus; Deus meu, apressa-te em socorrer-me.

[12]A Dhia, ná bíse i bhfad uaim; déan deifir, a Dhia, agus cabhraigh liom.

[13] Sejam envergonhados e consumidos os que são adversários de minha alma; cubram-se de opróbrio e de vexame os que procuram o mal contra mim.

[13]Go gcuirtear trína chéile is go gcloítear a bhfuil ar tí m'anama. Go gclúdaítear le míchlú agus náire an drong ar mian leo mo dhochar.

[14] Quanto a mim, esperarei sempre e te louvarei mais e mais.

[14]Ach beidh dóchas agamsa go brách agus cuirfidh mé le do mholadh in aghaidh an lae.

[15] A minha boca relatará a tua justiça e de contínuo os feitos da tua salvação, ainda que eu não saiba o seu número.

[15]Fógróidh mo bhéal d'fhíréantacht agus do chúnamh ó lá go chéile óir ní fios dom a líon ná a n-áireamh.

[16] Sinto-me na força do SENHOR Deus; e rememoro a tua justiça, a tua somente.

[16]Fógróidh mé móréachtaí an Tiarna; d'fhíréantachtsa amháin a fhoilseoidh mé.

[17] Tu me tens ensinado, ó Deus, desde a minha mocidade; e até agora tenho anunciado as tuas maravilhas.

[17]Thug tú teagasc dom ó m'óige, a Dhia, agus bhíos ag fógairt do mhóréachtaí go dtí seo.

[18] Não me desampares, pois, ó Deus, até à minha velhice e às cãs; até que eu tenha declarado à presente geração a tua força e às vindouras o teu poder.

[18]I mo sheanóir liath dom anois, ná déan mé a thréigean, a Dhia, chun go bhfoilseoidh mé do chumhacht don ghlúin seo agus do chumas dá bhfuil le teacht.

[19] Ora, a tua justiça, ó Deus, se eleva até aos céus. Grandes coisas tens feito, ó Deus; quem é semelhante a ti?

[19]Síneann d'fhíréantacht chun na bhflaitheas, a Dhia, is éachtach iad na nithe a rinne tú. A Dhia, cé is comhionann leatsa?

[20] Tu, que me tens feito ver muitas angústias e males, me restaurarás ainda a vida e de novo me tirarás dos abismos da terra.

[20]Leag tú orm iomad de thrombhuarthaí ach tabharfaidh tú mo bheatha ar ais dom. Tógfaidh tú as broinn na talún mé;

[21] Aumenta a minha grandeza, conforta-me novamente.

[21]Tabharfaidh tú gradam agus sólás ar ais dom.

[22] Eu também te louvo com a lira, celebro a tua verdade, ó meu Deus; cantar-te-ei salmos na harpa, ó Santo de Israel.

[22]Déanfaidh mé ceol duit ar an gcláirseach, dá bhrí sin, as ucht do dhilghrá dom, a Dhia. Seinnfidh mé freisin ar an gcruit duitse, a Neach Naofa Iosrael.

[23] Os meus lábios exultarão quando eu te salmodiar; também exultará a minha alma, que remiste.

[23]Déanfaidh mo bhruasa lúcháir agus mé ag canadh duit mar aon le m'anam atá ceannaithe agat.

[24] Igualmente a minha língua celebrará a tua justiça todo o dia; pois estão

[24]Beidh mo theanga ag trácht ar d'fhíréantacht i gcaitheamh an lae ar fad,

envergonhados e confundidos os que procuram o mal contra mim.

Salmo 72

O rei justo e o seu reinado eterno
Salmo de Salomão

1 Concede ao rei, ó Deus, os teus juízos e a tua justiça, ao filho do rei.

2 Julgue ele com justiça o teu povo e os teus aflitos, com eqüidade.

3 Os montes trarão paz ao povo, também as colinas a trarão, com justiça.

4 Julgue ele os aflitos do povo, salve os filhos dos necessitados e esmague ao opressor.

5 Ele permanecerá enquanto existir o sol e enquanto durar a lua, através das gerações.

6 Seja ele como chuva que desce sobre a campina ceifada, como aguaceiros que regam a terra.

7 Floresça em seus dias o justo, e haja abundância de paz até que cesse de haver lua.

8 Domine ele de mar a mar e desde o rio até aos confins da terra.

9 Curvem-se diante dele os habitantes do deserto, e os seus inimigos lambam o pó.

10 Paguem-lhe tributos os reis de Társis e das ilhas; os reis de Sabá e de Sebá lhe ofereçam presentes.

11 E todos os reis se prostrem perante ele; todas as nações o sirvam.

toisc gur cuireadh nuar agus náire ar an drong atá ar tí mo dhíobhála.

Salm 72

Ríocht an Mheisias

1*[Salm] Sholaimh.* Bronn do bhreithiúnas, a Dhia, ar an rí, agus d'fhíréantacht ar mhac an rí;

2chun go dtuga sé ceartbhreithiúnas ar a phobal agus cothrom do dhaoine bochta.

3Go n-iompraí na sléibhte síocháin don phobal agus na cnoic fíréantacht.

4Go ndéana sé cosaint ar dhaoine ísle an phobail; go saora sé clann na mbocht, agus go mbrú sé lucht daorsmachta.

5Go maire sé mar an ghrian agus an ghealach; ó aois go haois;

6mar fhearthainn ar an bhfód féir ghlais; mar cheathanna ar an talamh.

7Go mblátha síocháin agus fíréantacht lena linn nó go meathfaidh an ghealach.

8Go raibh a réim ó mhuir go muir; ón Abhainn Mhór go críocha na cruinne.

9Titfidh a naimhde ina láthair; lífidh siad an luaithreach.

10Tiocfaidh ríthe Thairsís agus na nInsí, ag triall air le tabhartais. Tabharfaidh ríthe na hAráibe agus Seaba bronntanais chuige.

11Cromfaidh an uile rí go talamh ina láthair; déanfaidh gach cine fónamh dó.

[12] Porque ele acode ao necessitado que clama e também ao aflito e ao desvalido.

[13] Ele tem piedade do fraco e do necessitado e salva a alma aos indigentes.

[14] Redime a sua alma da opressão e da violência, e precioso lhe é o sangue deles.

[15] Viverá, e se lhe dará do ouro de Sabá; e continuamente se fará por ele oração, e o bendirão todos os dias.

[16] Haja na terra abundância de cereais, que ondulem até aos cimos dos montes; seja a sua messe como o Líbano, e das cidades floresçam os habitantes como a erva da terra.

[17] Subsista para sempre o seu nome e prospere enquanto resplandecer o sol; nele sejam abençoados todos os homens, e as nações lhe chamem bem-aventurado.

[18] Bendito seja o SENHOR Deus, o Deus de Israel, que só ele opera prodígios.

[19] Bendito para sempre o seu glorioso nome, e da sua glória se encha toda a terra. Amém e amém!

[20] Findam as orações de Davi, filho de Jessé.

Livro III

Salmos 73 - 89

Salmo 73

O problema da prosperidade dos maus

Salmo de Asafe

[1] Com efeito, Deus é bom para com Israel, para com os de coração limpo.

[2] Quanto a mim, porém, quase me resvalaram os pés; pouco faltou para que se desviassem os meus passos.

[12]Óir saorfaidh sé an bocht nuair a ghlaofaidh sé air; agus an donán gan chúnamh.

[13]Beidh trua aige don lag is don bhocht, agus sábhálfaidh an duine dealbh.

[14]Saorfaidh sé a n-anam ón bhfeall is ón bhforéigean; óir is luachmhar leis a bhfuil.

[15]Go maire sé i bhfad is go mbronntar air ór na hAráibe. Beifear ag guí ar a shon i gcónaí; á bheannachadh ar feadh an lae.

[16]Go raibh flúirse arbhair sa tír go mullach na sléibhte. Go raibh seordán a thoradh amhail an Liobáin agus lucht na gcathracha faoi bhláth mar fhéar ar an talamh.

[17]Go moltar a ainm go brách, fad a bheidh an ghrian ann. Is tríd a bheannófar gach treibh; beidh gach cine á mholadh.

[18]Moladh leis an Tiarna, Dia Iosrael, an tAon amháin a dhéanann éachtaí.

[19]Go moltar a ainm glórmhar go brách; go líona a ghlóir an talamh. Amen! Amen!

[20]Críochnaítear leis seo moltaí Dháiví.

Salm 73

An Tríú Leabhar
Bréagshonas na nÉagráifeach

[1]*Salm Ásáf.* Nach maith atá Dia don dream díreach; an Tiarna dá bhfuil glan ó chroí.

[2]Ach is beag nár sciorr mo chosa uaim; is beag nár shleamhnaigh mo chéimeanna;

[3] Pois eu invejava os arrogantes, ao ver a prosperidade dos perversos.

[4] Para eles não há preocupações, o seu corpo é sadio e nédio.

[5] Não partilham das canseiras dos mortais, nem são afligidos como os outros homens.

[6] Daí, a soberba que os cinge como um colar, e a violência que os envolve como manto.

[7] Os olhos saltam-lhes da gordura; do coração brotam-lhes fantasias.

[8] Motejam e falam maliciosamente; da opressão falam com altivez.

[9] Contra os céus desandam a boca, e a sua língua percorre a terra.

[10] Por isso, o seu povo se volta para eles e os tem por fonte de que bebe a largos sorvos.

[11] E diz: Como sabe Deus? Acaso, há conhecimento no Altíssimo?

[12] Eis que são estes os ímpios; e, sempre tranqüilos, aumentam suas riquezas.

[13] Com efeito, inutilmente conservei puro o coração e lavei as mãos na inocência.

[14] Pois de contínuo sou afligido e cada manhã, castigado.

[15] Se eu pensara em falar tais palavras, já aí teria traído a geração de teus filhos.

[3]Óir bhíos ag éad le lucht éirí in airde, ag faire dom ar shéan na n-éagráifeach.

[4]Ní bhíonn siad siúd á gcrá ná á gciapadh; is slán a gcorp agus is sleamhain.

[5]Níl páirt acu in anacraí na so-mharaithe ná ní dhéantar a sciúrsáil mar dhaoine eile.

[6]Uime sin, is é an t-uabhar a muince, agus folaíonn an foréigean iad amhail éadach.

[7]Bíonn a gcroí ag cur thar maoil le mioscais; brúchtann smaointe a n-intinne amach.

[8]Bíonn siad ag fonóid is ag labhairt go mailíseach agus beartaíonn siad an t-ansmacht go huaibhreach.

[9]Tugann siad fogha faoi na flaithis lena mbéal agus triallann a dteanga ar fud an talaimh.

[10]Dá bhrí sin bíonn an pobal á moladh agus slogann siad a mbíonn á rá acu.

[11]Agus deir siad: “Cá bhfios do Dhia? An amhlaidh is eol don Té is Airde?”

[12]Féach! sin é dála na bpeacach; téann siad i saibhreas agus iad ar a sástacht.

[13]Nach díomhaoin dom mo chroí a bheith glan agam agus mo lámha a ní san ionracas,

[14]agus mé bheith do mo chrá ar feadh an lae agus do mo smachtú gach aon ré solais!

[15]Dá ndéarfainn: “Labhróidh mé mar iad siúd,” bheinn ag tréigean dúchas do chlainne.

[16] Em só refletir para compreender isso, achei mui pesada tarefa para mim;

[17] até que entrei no santuário de Deus e atinei com o fim deles.

[18] Tu certamente os pões em lugares escorregadios e os fazes cair na destruição.

[19] Como ficam de súbito assolados, totalmente aniquilados de terror!

[20] Como ao sonho, quando se acorda, assim, ó SENHOR, ao despertares, desprezarás a imagem deles.

[21] Quando o coração se me amargou e as entranhas se me comoveram,

[22] eu estava embrutecido e ignorante; era como um irracional à tua presença.

[23] Todavia, estou sempre contigo, tu me seguras pela minha mão direita.

[24] Tu me guias com o teu conselho e depois me recebes na glória.

[25] Quem mais tenho eu no céu? Não há outro em quem eu me compraza na terra.

[26] Ainda que a minha carne e o meu coração desfaleçam, Deus é a fortaleza do meu coração e a minha herança para sempre.

[27] Os que se afastam de ti, eis que perecem; tu destróis todos os que são infiéis para contigo.

[16]Rinne mé machnamh d'fhonn go dtuigfinn an ní seo, ach chuaigh sé thar m'acmhainn a dhéanamh,

[17]nó go ndeachaigh mé i sanctóir Dé is gur thugas do m'aire a gcríoch dhéanach.

[18]Chuir tú i slí shleamhain iad go dearfa agus thug orthu titim chun a n-aimhleasa.

[19]Féach mar a thit siad le halt na haon uaire; chuaigh siad ar ceal arna scriosadh le scanradh.

[20]Amhail taibhreamh a scaiptear le dúiseacht cuirfidh tú a samhailtí ar ceal, a Thiarna.

[21]Toisc go raibh m'aigne á spreagadh chun feirge le linn do mo chroí bheith á chiapadh,

[22]bhí mé amaideach, baoth, neamhthuisceanach; ba chuma nó beithíoch mé i d'fhianaise.

[23]Mar sin féin bím i d'fhochair de shíor agus beireann tú ar dheasláimh orm.

[24]Déanfaidh tú mo threorú le do chomhairle agus glacfaidh tú chun na glóire faoi dheoidh mé.

[25]Cé atá agam ar neamh ach tú; agus má bhím leatsa ní áil liom a bhfuil ar talamh.

[26]Bíodh go gcliseann mo cholainn is mo chroí rinne carraig mo chléibh de Dhia; is é mo chuid é go síoraí suthain.

[27]An drong a thréigeann thú rachaidh siad ar ceal; scriosann tú a n-imíonn uait le striapachas.

[28] Quanto a mim, bom é estar junto a Deus; no SENHOR Deus ponho o meu refúgio, para proclamar todos os seus feitos.

[28]Is fearr liomsa bheith i ngar do Dhia agus mo dhóchas a chur sa Tiarna, mo Dhia, ionas go n-inseoinn d'éachtaí go léir i ndoirse iníon Shíón.

Salmo 74

Lamento por causa da profanação
Salmo didático de Asafe

[1] Por que nos rejeitas, ó Deus, para sempre? Por que se acende a tua ira contra as ovelhas do teu pasto?

[2] Lembra-te da tua congregação, que adquiriste desde a antiguidade, que remiste para ser a tribo da tua herança; lembra-te do monte Sião, no qual tens habitado.

[3] Dirige os teus passos para as perpétuas ruínas, tudo quanto de mau tem feito o inimigo no santuário.

[4] Os teus adversários bramam no lugar das assembléias e alteiam os seus próprios símbolos.

[5] Parecem-se com os que brandem machado no espesso da floresta,

[6] e agora a todos esses lavores de entalhe quebram também, com machados e martelos.

[7] Deitam fogo ao teu santuário; profanam, arrasando-a até ao chão, a morada do teu nome.

[8] Disseram no seu coração: Acabemos com eles de uma vez. Queimaram todos os lugares santos de Deus na terra.

Salm 74

Scrios an tSanctóra

[1]*Mascil Ásáf.* Cad fáth ar chaith tú uait go brách sinn, a Dhia? Cad fáth foréigean feirge ort in aghaidh chaoirigh do pháirce?

[2]Cuimhnigh ar do chomhthionól a bhunaigh tú fadó; ar an gcine a cheannaigh tú mar oidhreacht duit féin, ar Shliabh Shíón mar a ndearna tú áras do chónaithe.

[3]Tabhair d'aghaidh ar na fothracha a scriosadh ar fad, ar an dochar a rinne an namhaid san ionad naofa.

[4]Tá do naimhde ag búiríl i lár do thionóil agus chuir siad a meirgí mar chraobh choscair in airde.

[5]Is cosúil iad le coillteoirí ag beartú a mbiailí;

[6]tuairgníonn siad le tuanna adhmad snoite na ndoirse agus déanann siad sceanairt díobh le casúir is le ceapoird.

[7]Chuir siad do shanctóir faoi bharr dearglasrach. Thruailligh siad agus leag d'áit chónaithe go húir.

[8]Dúirt siad ina gcroí istigh: “Scriosaimis ar fad iad; cuirimis trí thine a bhfuil de scrínte Dé sa tír.”

[9] Já não vemos os nossos símbolos; já não há profeta; nem, entre nós, quem saiba até quando.

[10] Até quando, ó Deus, o adversário nos afrontará? Acaso, blasfemará o inimigo incessantemente o teu nome?

[11] Por que retrais a mão, sim, a tua destra, e a conservas no teu seio?

[12] Ora, Deus, meu Rei, é desde a antiguidade; ele é quem opera feitos salvadores no meio da terra.

[13] Tu, com o teu poder, dividiste o mar; esmagaste sobre as águas a cabeça dos monstros marinhos.

[14] Tu espedaçaste as cabeças do crocodilo e o deste por alimento às alimárias do deserto.

[15] Tu abriste fontes e ribeiros; secaste rios caudalosos.

[16] Teu é o dia; tua, também, a noite; a luz e o sol, tu os formaste.

[17] Fixaste os confins da terra; verão e inverno, tu os fizeste.

[18] Lembra-te disto: o inimigo tem ultrajado ao SENHOR, e um povo insensato tem blasfemado o teu nome.

[19] Não entregues à rapina a vida de tua rola, nem te esqueças perpetuamente da vida dos teus aflitos.

[20] Considera a tua aliança, pois os lugares tenebrosos da terra estão cheios de moradas de violência.

[9]Ní fheicimid ár gcomharthaí, níl fáidh ann feasta ná níl aon neach inár measc arb eol dó cá fhad.

[10]Cá fhad a bheidh an t-eascara go tarcaisneach, a Dhia; an dtabharfaidh an namhaid masla do d'ainm go brách?

[11]Cad fáth a n-iompaíonn tú do lámh uainn, a Thiarna? Cad fáth a bhfolaíonn tú do dheaslámh i do bhrollach?

[12]Is é Dia mo Rí leis na cianta cairbreacha; an té a dhéanann slánú i lár an talaimh.

[13]Is tú a scoilt an mhuir le do chumhacht agus a bhris ina mbloghanna cinn na n-arrachtach san uisce.

[14]Is tú a rinne conamar de chinn an Leiviatan gur thug tú ina bhia é do ainmhithe allta an fhásaigh.

[15]Is tú a chuir foinsí agus caisí ag brúchtaíl; is tú a dhiúg na haibhneacha tuilte.

[16]Is leat an lá agus is leat an oíche; is tú a shocraigh an ghrian is an ghealach.

[17]Is tú a chinn críocha uile na cruinne; is tú a dhealbhaigh an samhradh is an geimhreadh.

[18]Cuimhnigh, a Thiarna, ar an namhaid fonóideach; tugann pobal gan chiall tarcaisne do d'ainm.

[19]Ná tabhair anam do choilm don bhadhbh, a Thiarna; ná déan dearmad go deo ar anam na mbocht.

[20]Tabhair aire do do chonradh óir is lomlán d'éigean uaimheanna agus diamhra uile na tíre.

[21] Não fique envergonhado o oprimido; louvem o teu nome o aflito e o necessitado.
[22] Levanta-te, ó Deus, pleiteia a tua própria causa; lembra-te de como o ímpio te afronta todos os dias.
[23] Não te esqueças da gritaria dos teus inimigos, do sempre crescente tumulto dos teus adversários.

[21]Ná lig don té faoi leatrom filleadh faoi náire; go raibh an dealbh agus an daibhir ag tabhairt moladh do d'ainm.
[22]Éirigh, a Dhia, agus tagair do chúis; cuimhnigh mar a mhaslaíonn an t-éagráifeach gach lá thú.
[23]Ná tabhair i ndíchuimhne callán do naimhde agus glamaíl d'eascairde ag méadú de shíor.

Salmo 75

Deus é juiz

Ao mestre de canto, segundo a melodia “Não destruas”. Salmo de Asafe. Cântico

[1] Graças te rendemos, ó Deus; graças te rendemos, e invocamos o teu nome, e declaramos as tuas maravilhas.
[2] Pois disseste: Hei de aproveitar o tempo determinado; hei de julgar retamente.
[3] Vacilem a terra e todos os seus moradores, ainda assim eu firmarei as suas colunas.
[4] Digo aos soberbos: não sejais arrogantes; e aos ímpios: não levanteis a vossa força.
[5] Não levanteis altivamente a vossa força, nem faleis com insolência contra a Rocha.
[6] Porque não é do Oriente, não é do Ocidente, nem do deserto que vem o auxílio.
[7] Deus é o juiz; a um abate, a outro exalta.
[8] Porque na mão do SENHOR há um cálice cujo vinho espuma, cheio de mistura; dele dá a beber; sorvem-no, até às escórias, todos os ímpios da terra.

Salm 75

Is é Dia an Breitheamh Cóir

[1]*Don stiúrthóir. Leis an bhfonn “Ná Scrios”. Salm Ásáf. Amhrán.*
[2] Is leat a ghabhaimid buíochas, a Dhia; gabhaimid buíochas leat; agraímid d'ainm agus déanaimid d'éachtaí a fhógairt.
[3] “An uair a shocróidh mé féin tabharfaidh mé breith de réir an chirt.
[4] Bíodh go gcorraítear an talamh agus a bhfuil ann is mé a dhaingnigh a cholúin.
[5] Deirim le lucht bladhmainn: ‘Scoirigí de bhur mbladhmann’; agus leis na hurchóidigh: ‘Ná maígí bhur neart,
[6] ná déanaigí gaisce as bhur neart, ná labhraigí go dolba dána.”
[7] Óir ní ón aird anoir ná aniar, ón bhfásach ná ón sliabh a thig an bhreith;
[8] is é Dia féin an breitheamh; umhlaíonn sé nó ardaíonn sé de réir mar a oireann.

[9] Quanto a mim, exultarei para sempre; salmodiarei louvores ao Deus de Jacó.

[10] Abaterei as forças dos ímpios; mas a força dos justos será exaltada.

[9] Tá cupán d'fhíon dearg ag an Tiarna; spíosraí ann is an cúr ag cur thar maoil. Doirtfear amach é agus déanfar a dhiúgadh; diúgfaidh urchóidigh uile an talaimh é.

[10] Maidir liomsa: déanfaidh mé gairdeas go deo; canfaidh mé Salm do Dhia Iacóib. Brisfidh mé cumhacht lucht an oilc agus ardófar na fíréin i gcumhacht.

Salmo 76

A majestade e o poder de Deus

Ao mestre de canto, com instrumentos de cordas. Salmo de Asafe. Cântico

[1] Conhecido é Deus em Judá; grande, o seu nome em Israel.

[2] Em Salém, está o seu tabernáculo, e, em Sião, a sua morada.

[3] Ali, despedaçou ele os relâmpagos do arco, o escudo, a espada e a batalha.

[4] Tu és ilustre e mais glorioso do que os montes eternos.

[5] Despojados foram os de ânimo forte; jazem a dormir o seu sono, e nenhum dos valentes pode valer-se das próprias mãos.

[6] Ante a tua repreensão, ó Deus de Jacó, paralisaram carros e cavalos.

[7] Tu, sim, tu és terrível; se te iras, quem pode subsistir à tua vista?

[8] Desde os céus fizeste ouvir o teu juízo; tremeu a terra e se aquietou,

[9] ao levantar-se Deus para julgar e salvar todos os humildes da terra.

Salm 76

Altú Buíochais as ucht Bua a Bhreith

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Ar théada cheoil. Salm Ásáf. Amhrán.*

[2] Tá aithne ar Dhia in Iúdá; tá a ainm in airde in Iosrael.

[3] I Sailéim atá a bhoth agus i Síón a áras cónaithe.

[4] Is ann a bhris sé na saigheada lonracha - an sciath is an claíomh is an trealamh troda. ***(Selah)***

[5] Is solasmhar maorga thú, a Thiarna; is cumhachtaí tú ná [na sléibhte síoraí].

[6] Tá lucht an chroí chalma arna gcreachadh, codlaíonn siad ina dtoirchim suain; tá lucht na lámh láidir gan taca.

[7] A Dhia Iacóib, nuair a labhair tú go bagrach rinneadh staic de charbaid agus d'eachra.

[8] Is uafásach tú! cé a sheasfaidh i d'éadan; nuair a bhíonn racht róbhuile ort?

[9] Nuair a thug tú breithiúnas ó neamh ghabh critheagla an talamh agus thost sé.

[10] Pois até a ira humana há de louvar-te; e do resíduo das iras te cinges.

[11] Fazei votos e pagai-os ao SENHOR, vosso Deus; tragam presentes todos os que o rodeiam, àquele que deve ser temido.

[12] Ele quebranta o orgulho dos príncipes; é tremendo aos reis da terra.

[10] Nuair a d'éirigh Dia a thabhairt breithiúnais, a tharrtháil daoine ísle na cruinne. ***(Selah)***

[11] Déanfaidh fraoch an duine féin thú a mholadh; déanfaidh fuíoll a chuid feirge crios duit.

[12] Díolaigí bhur móideanna leis an Tiarna bhur nDia - an té a bhaineann an t-anam as taoisigh gur uafásach le ríthe na cruinne é.

Salmo 77

As grandes obras e a misericórdia de Deus

Ao mestre de canto, Jedutum. Salmo de Asafe

[1] Elevo a Deus a minha voz e clamo, elevo a Deus a minha voz, para que me atenda.

[2] No dia da minha angústia, procuro o SENHOR; erguem-se as minhas mãos durante a noite e não se cansam; a minha alma recusa consolar-se.

[3] Lembro-me de Deus e passo a gemer; medito, e me desfalece o espírito.

[4] Não me deixas pregar os olhos; tão perturbado estou, que nem posso falar.

[5] Penso nos dias de outrora, trago à lembrança os anos de passados tempos.

[6] De noite indago o meu íntimo, e o meu espírito perscruta.

[7] Rejeita o SENHOR para sempre? Acaso, não torna a ser propício?

[8] Cessou perpetuamente a sua graça? Caducou a sua promessa para todas as gerações?

Salm 77

Súil Siar

[1] *Don stiúrthóir. Dé réir Iduthun. Salm Ásáf.*

[2] Glaoim ar Dhia os ard; glaoim os ard i dtreo go n-éistfidh sé.

[3] Lorgaim an Tiarna in am mo bhuartha; Sínim mo lámha chuige gan sos ar feadh na hoíche, agus diúltaíonn m'anam don sólás.

[4] Ligim osnadh is mé ag smaoineamh ar Dhia; ar mo mharana dom is lag liom mo mheanma. ***(Selah)***

[5] Baineann tú codladh na hoíche de mo shúile; ní fhéadaim labhairt le méad mo bhuartha.

[6] Smaoiním ar na laethanta a d'imigh; is cuimhin liom na blianta fadó.

[7] Déanaim machnamh i mo chroí de shiúl oíche; scrúdaím mé féin ó spiorad.

[8] An dtabharfaidh an Tiarna tarcaisne dúinn i gcónaí; an ea nach mbeidh sé bámhar linn feasta?

[9] An bhfuil deireadh go deo lena ghrá dúinn; an bhfuil a ghealltanas gan bhrí go brách?

[9] Esqueceu-se Deus de ser benigno? Ou, na sua ira, terá ele reprimido as suas misericórdias?

[10] Ar thug Dia a thrua i ndíchuimhne; ar bhuaigh an fhearg ar an taise aige? ***(Selah)***

[10] Então, disse eu: isto é a minha aflição; mudou-se a destra do Altíssimo.

[11] Dúirt mé: "Is é mo laige a mheas gur chlaochlaigh deaslámh an Té is Airde."

[11] Recordo os feitos do SENHOR, pois me lembro das tuas maravilhas da antiguidade.

[12] Bím ag cuimhneamh ar oibreacha an Tiarna; ar na hiontais a rinne tú fadó.

[12] Considero também nas tuas obras todas e cogito dos teus prodígios.

[13] Bím ag smaoineamh ar do ghníomhartha go léir; déanaim machnamh ar d'éachtaí móra.

[13] O teu caminho, ó Deus, é de santidade. Que deus é tão grande como o nosso Deus?

[14] Is naofa do shlí, a Thiarna; cén Dia atá chomh mór lenár nDia-na?

[14] Tu és o Deus que operas maravilhas e, entre os povos, tens feito notório o teu poder.

[15] Is tú an Dia a dhéanann éachtaí; thaispeáin tú do chumhacht do na ciníocha.

[15] Com o teu braço remiste o teu povo, os filhos de Jacó e de José.

[16] Le do chuisle do cheannaigh tú do phobal; clann Iacóib agus fós clann Iósaef. ***(Selah)***

[16] Viram-te as águas, ó Deus; as águas te viram e temeram, até os abismos se abalaram.

[17] Thug na huiscí dá n-aire thú, a Dhia; Thug siad dá n-aire thú agus ghlac siad eagla, agus chrith na duibheagáin le barr sceimhle.

[17] Grossas nuvens se desfizeram em água; houve trovões nos espaços; também as suas setas cruzaram de uma parte para outra.

[18] Bhí na scamaill ag stealladh uisce anuas; bhí na spéartha ag caitheamh toirní go torannach; agus do shaigheada ag scinneadh de gach leith dínn.

[18] O ribombar do teu trovão ecoou na redondeza; os relâmpagos alumiaram o mundo; a terra se abalou e tremeu.

[19] Bhí do thoirneach ag tormáil mórthimpeall agus do splancacha ag soilsiú an tsaoil. Corraíodh an talamh agus chrith sé.

[19] Pelo mar foi o teu caminho; as tuas veredas, pelas grandes águas; e não se descobrem os teus vestígios.

[20] Bhí do shlí ar fud na farraige agus do chosáin sna huiscí móra bíodh nach raibh lorg do chos le feiceáil.

[20] O teu povo, tu o conduziste, como rebanho, pelas mãos de Moisés e de Arão.

[21] Sheol tú do phobal mar thréad le láimh Mhaois agus Árón.

Salmo 78

A providência divina na história do seu povo
Salmo didático de Asafe

[1] Escutai, povo meu, a minha lei; prestai ouvidos às palavras da minha boca.

[2] Abrirei os lábios em parábolas e publicarei enigmas dos tempos antigos.

[3] O que ouvimos e aprendemos, o que nos contaram nossos pais,

[4] não o encobriremos a seus filhos; contaremos à vindoura geração os louvores do SENHOR, e o seu poder, e as maravilhas que fez.

[5] Ele estabeleceu um testemunho em Jacó, e instituiu uma lei em Israel, e ordenou a nossos pais que os transmitissem a seus filhos,

[6] a fim de que a nova geração os conhecesse, filhos que ainda hão de nascer se levantassem e por sua vez os referissem aos seus descendentes;

[7] para que pusessem em Deus a sua confiança e não se esquecessem dos feitos de Deus, mas lhe observassem os mandamentos;

[8] e que não fossem, como seus pais, geração obstinada e rebelde, geração de coração inconstante, e cujo espírito não foi fiel a Deus.

[9] Os filhos de Efraim, embora armados de arco, bateram em retirada no dia do combate.

[10] Não guardaram a aliança de Deus, não quiseram andar na sua lei;

Salm 78

Dilghrá Dé agus Diomaíochas an Duine

[1]*Mascil Ásáf.* Éist, a phobal, le mo theagasc; claonaigí bhur gcluasa le briathra mo bhéil.

[2]Osclóidh mé mo bhéal i samhlaoidí agus míneoidh mé rúndiamhra na seanaimsire.

[3]Na nithe ba chlos dúinn agus ab eol dúinn féin, a d'inis ár n-aithreacha dúinn,

[4]nach cóir iad a cheilt ar a sliocht ach a insint don ghlúin atá le teacht - Móréachtaí an Tiarna agus a chumhacht agus na míorúiltí móra a rinne sé

[5]nuair a d'eisigh sé reachtanna do Iacób, nuair a bhunaigh sé dlí in Iosrael. D'ordaigh sé mar aithne dár n-aithreacha an dlí seo a mhúineadh dá gclann

[6]ionas go mb'eol don chéad ghlúin eile é, agus don dream nár saolaíodh fós, agus go n-inseoidís siúd dá gclann féin é

[7]ionas go gcuirfidís a ndóchas i nDia, gan oibreacha Dé a dhearmad ach a aitheanta a choimeád de shíor,

[8]sula mbeidís mar a n-aithreacha rompu ina nglúin easumhal ceanndána; glúin gan seasmhacht ina gcroí nach raibh dílis do Dhia ina meanma.

[9]Bhí clann Eafráim gléasta leis an mbogha ach thugadar dá mboinn é lá an chatha.

[10]Níor choinnigh siad a gconradh le Dia níorbh áil leo siúl de réir a dhlí.

[11] esqueceram-se das suas obras e das maravilhas que lhes mostrara.

[12] Prodígios fez na presença de seus pais na terra do Egito, no campo de Zoã.

[13] Dividiu o mar e fê-los seguir; aprumou as águas como num dique.

[14] Guiou-os de dia com uma nuvem e durante a noite com um clarão de fogo.

[15] No deserto, fendeu rochas e lhes deu a beber abundantemente como de abismos.

[16] Da pedra fez brotar torrentes, fez manar água como rios.

[17] Mas, ainda assim, prosseguiram em pecar contra ele e se rebelaram, no deserto, contra o Altíssimo.

[18] Tentaram a Deus no seu coração, pedindo alimento que lhes fosse do gosto.

[19] Falaram contra Deus, dizendo: Pode, acaso, Deus preparar-nos mesa no deserto?

[20] Com efeito, feriu ele a rocha, e dela manaram águas, transbordaram caudais. Pode ele dar-nos pão também? Ou fornecer carne para o seu povo?

[21] Ouvindo isto, o SENHOR ficou indignado; acendeu-se fogo contra Jacó, e também se levantou o seu furor contra Israel;

[22] porque não creram em Deus, nem confiaram na sua salvação.

[23] Nada obstante, ordenou às alturas e abriu as portas dos céus;

[24] fez chover maná sobre eles, para alimentá-los, e lhes deu cereal do céu.

[11]Rinne siad dearmad ar a ndearna sé agus ar na hiontais a nocht sé dóibh.

[12]Rinne sé míorúiltí i bhfianaise a sinsear i dtír na hÉigipte, ar mhachaire Zoan.

[13]Roinn sé an mhuir is sheol sé trasna iad; chuir sé na huiscí ina seasamh ina mballa.

[14]Threoraigh sé le néal iad de lá agus le tine i gcaitheamh na hoíche.

[15]Scoilt sé na carraigeacha san fhásach, mhúch sé a dtart le flúirse uisce

[16]nuair a mheall sé sruthanna as an gcarraig is gur bhrúcht an t-uisce ina thuilte.

[17]Ach lean siad leo ag peacú ina éadan; thug siad dúshlán an Té is Airde san fhásach;

[18]chuireadar cathú ar Dhia ina gcroí; d'iarr siad bia air d'fhonn a mianta a shásamh.

[19]Labhraíodar in aghaidh Dé, á rá: “An dtig le Dia bord a ghléasadh san fhásach?

[20]Is fíor nuair a bhuail sé an charraig gur bhrúcht an t-uisce ina thuilte; ach an féidir dó arán a thabhairt dúinn nó feoil a sholáthar dá phobal?”

[21]Arna chlos sin don Tiarna ghabh fearg é agus fadaíodh tine in aghaidh Iacóib. Líon sé le fearg in aghaidh Iosrael

[22]de bhrí nár chreid siad i nDia agus nár chuir siad a ndóchas ina chúnamh.

[23]D'aithin sé do néalta neimhe agus d'oscail sé doirse na spéire;

[24]d'fhear sé anuas orthu manna le hithe agus bhronn sé bia ó neamh orthu.

25 Comeu cada qual o pão dos anjos; enviou-lhes ele comida a fartar.

26 Fez soprar no céu o vento do Oriente e pelo seu poder conduziu o vento do Sul.

27 Também fez chover sobre eles carne como poeira e voláteis como areia dos mares.

28 Fê-los cair no meio do arraial deles, ao redor de suas tendas.

29 Então, comeram e se fartaram a valer; pois lhes fez o que desejavam.

30 Porém não reprimiram o apetite. Tinham ainda na boca o alimento,

31 quando se elevou contra eles a ira de Deus, e entre os seus mais robustos semeou a morte, e prostrou os jovens de Israel.

32 Sem embargo disso, continuaram a pecar e não creram nas suas maravilhas.

33 Por isso, ele fez que os seus dias se dissipassem num sopro e os seus anos, em súbito terror.

34 Quando os fazia morrer, então, o buscavam; arrependidos, procuravam a Deus.

35 Lembravam-se de que Deus era a sua rocha e o Deus Altíssimo, o seu redentor.

36 Lisonjeavam-no, porém de boca, e com a língua lhe mentiam.

37 Porque o coração deles não era firme para com ele, nem foram fiéis à sua aliança.

38 Ele, porém, que é misericordioso, perdoa a iniqüidade e não destrói; antes,

25D'ith an duine arán na n-aingeal óir thug sé flúirse bia dóibh.

26Chuir sé an ghaoth anoir ó neamh chucu agus mhúscail an ghaoth aneas lena chumhacht.

27D'fhear sé orthu feoil mar dheannach agus éanlaith mar ghaineamh na trá.

28Lig sé anuas i lár a gcampa iad ar gach taobh thart timpeall a mbothanna.

29D'itheadar a sáith, dá bhrí sin, óir thug sé dóibh gach a raibh uathu.

30Ach ní mó ná gur sásaíodh a mian dóibh agus an bia ina mbéal go fóill

31nuair a d'éirigh fraoch Dé ina n-éadan, is gur leag sé ar lár a dtréanfhir, is gur threascair sé fíorscoth Iosrael.

32Dá ainneoin sin uile pheacaigh siad agus níor chreid siad a éachtaí iontacha

33gurb uime a scrios sé a laethanta agus a chuir deireadh lena ré go tobann.

34Nuair a thugadh sé a n-ár bhídís á lorg ag iarraidh Dé le fonn is le dúthracht.

35Chuimhnídís gurbh é Dia a gcarraig ‘s gurbh é an Dia is Airde a d'fhuascail iad.

36Ní bhídís ach á bhladaráil lena mbéal agus ag insint bréag lena dteanga,

37óir ní raibh siad dílis ó chroí dó ná ní dhearna siad a chonradh a chomhlíonadh.

38Mar sin féin, toisc é bheith trócaireach mhaitheadh sé a bpeaca, gan iad a

muitas vezes desvia a sua ira e não dá largas a toda a sua indignação.

[39] Lembra-se de que eles são carne, vento que passa e já não volta.

[40] Quantas vezes se rebelaram contra ele no deserto e na solidão o provocaram!

[41] Tornaram a tentar a Deus, agravaram o Santo de Israel.

[42] Não se lembraram do poder dele, nem do dia em que os resgatou do adversário;

[43] de como no Egito operou ele os seus sinais e os seus prodígios, no campo de Zoã;

[44] e converteu em sangue os rios deles, para que das suas correntes não bebessem.

[45] Enviou contra eles enxames de moscas que os devorassem e rãs que os destruíssem.

[46] Entregou às larvas as suas colheitas e aos gafanhotos, o fruto do seu trabalho.

[47] Com chuvas de pedra lhes destruiu as vinhas e os seus sicômoros, com geada.

[48] Entregou à saraiva o gado deles e aos raios, os seus rebanhos.

[49] Lançou contra eles o furor da sua ira: cólera, indignação e calamidade, legião de anjos portadores de males.

[50] Deu livre curso à sua ira; não poupou da morte a alma deles, mas entregou-lhes a vida à pestilência.

[51] Feriu todos os primogênitos no Egito, as primícias da virilidade nas tendas de Cam.

scriosadh. Is minic a chuir sé srian lena fhearg agus nár lig sé a racht amach orthu.

[39]Ba cuimhin leis nach raibh iontu ach daoine; anáil a ghabhann seacha gan casadh.

[40]Nach minic a bhí siad easumhal dó san fhásach, go ndearna siad a chrá san uaigneas.

[41]Chuir siad cathú ar Dhia arís eile agus chiap Neach Naofa Iosrael.

[42]Níor chuimhin leo feasta a ghníomhartha ná an lá a shaor sé óna naimhde iad,

[43]nuair a d'oibrigh sé a éachtaí, san Éigipt, a mhíorúiltí ar mhachaire Zoan;

[44]nuair a rinne sé fuil dá n-aibhneacha ionas nach bhféadfaidís an t-uisce a ól.

[45]Chuir sé cuileoga chucu a d'alp iad, agus froganna ina scaotha á milleadh.

[46]Thug sé a bhfómhar don chruimh, agus toradh a saothair don lócaiste.

[47]Mhill sé a bhfíniúna le clocha sneachta agus mhill a gcrainn bhána leis an sioc.

[48]Bhuail sé a n-airnéis le clocha sneachta agus a gcaoirigh le caora tine.

[49]Lig sé amach orthu racht a fheirge, a chuthach agus a fhraoch agus a chonfa; slua de thimirí na tubaiste,

[50]go ndearna sé slí dá dhíbheirg. Níor scaoil sé saor ón mbás iad ach rinne sé a mbualadh leis an bplá.

[51]Bhuail sé gach céadghin san Éigipt; céadthoradh a nirt i gcampa Hám.

[52] Fez sair o seu povo como ovelhas e o guiou pelo deserto, como um rebanho.

[53] Dirigiu-o com segurança, e não temeram, ao passo que o mar submergiu os seus inimigos.

[54] Levou-os até à sua terra santa, até ao monte que a sua destra adquiriu.

[55] Da presença deles expulsou as nações, cuja região repartiu com eles por herança; e nas suas tendas fez habitar as tribos de Israel.

[56] Ainda assim, tentaram o Deus Altíssimo, e a ele resistiram, e não lhe guardaram os testemunhos.

[57] Tornaram atrás e se portaram aleivosamente como seus pais; desviaram-se como um arco enganoso.

[58] Pois o provocaram com os seus altos e o incitaram a zelos com as suas imagens de escultura.

[59] Deus ouviu isso, e se indignou, e sobremodo se aborreceu de Israel.

[60] Por isso, abandonou o tabernáculo de Siló, a tenda de sua morada entre os homens,

[61] e passou a arca da sua força ao cativeiro, e a sua glória, à mão do adversário.

[62] Entregou o seu povo à espada e se encolerizou contra a sua própria herança.

[63] O fogo devorou os jovens deles, e as suas donzelas não tiveram canto nupcial.

[64] Os seus sacerdotes caíram à espada, e as suas viúvas não fizeram lamentações.

[52]Sheol sé a phobal mar chaoirigh, rinne a dtreorú mar thréad san fhásach.

[53]Sheol sé slan iad gan eagla gur bádh a naimhde san fharraige.

[54]Sheol sé isteach ina thír naofa iad chun an tsléibhe a bhuaigh a dheaslámh féin.

[55]Chaith sé na ciníocha rompu amach, agus roinn sé an tír mar oidhreacht orthu; thug sé ar threibheanna Iosrael baint fúthu ina mbothanna siúd.

[56]Dá ainneoin sin uile thriail agus shaighdigh siad an Dia is Airde, agus dhiúltaigh dá aitheanta.

[57]Thug siad droim láimhe leis mar a rinne a n-aithreacha; ba chosúil iad le bogha ar fiar.

[58]Chuir siad fearg air lena scrínte sléibhe; chuir siad éad air lena ndealbha snoite.

[59]Chuala Dia agus d'éirigh chun feirge, gur dhiúltaigh go hiomlán d'Iosrael.

[60]Thréig sé a phailliún i Sileo mar a raibh cónaí air i measc na ndaoine.

[61]Thug sé a neart i ndaorbhroid agus a dtaibhse i láimh a naimhde.

[62]Thug sé a phobal féin don chlaíomh le teann feirge in aghaidh a oidhreachta.

[63]Dódh a n-ógánaigh ina mbeatha; níor chuala a maighdeana laoi na bainise;

[64]Thit a gcuid sagart leis an gclaíomh; agus ní dhearna a mbaintreacha a gcaoineadh.

[65] Então, o SENHOR despertou como de um sono, como um valente que grita excitado pelo vinho;
[66] fez recuar a golpes os seus adversários e lhes cominou perpétuo desprezo.
[67] Além disso, rejeitou a tenda de José e não elegeu a tribo de Efraim.
[68] Escolheu, antes, a tribo de Judá, o monte Sião, que ele amava.
[69] E construiu o seu santuário durável como os céus e firme como a terra que fundou para sempre.
[70] Também escolheu a Davi, seu servo, e o tomou dos redis das ovelhas;
[71] tirou-o do cuidado das ovelhas e suas crias, para ser o pastor de Jacó, seu povo, e de Israel, sua herança.
[72] E ele os apascentou consoante a integridade do seu coração e os dirigiu com mãos precavidas.

Salmo 79

O povo pede castigo contra os inimigos
Salmo de Asafe

[1] Ó Deus, as nações invadiram a tua herança, profanaram o teu santo templo, reduziram Jerusalém a um montão de ruínas.

[2] Deram os cadáveres dos teus servos por cibo às aves dos céus e a carne dos teus santos, às feras da terra.

[3] Derramaram como água o sangue deles ao redor de Jerusalém, e não houve quem lhes desse sepultura.

[65]Is ansin a dhúisigh an Tiarna mar dhuine a dhúisíonn as a chodladh, mar ghaiscíoch a bheadh ar meisce de dheasca fíona.
[66]Bhuail sé a naimhde i ndiaidh a gcúil agus d'fhág sé faoi náire go deo iad.
[67]Dhiúltaigh sé do bhoth Iósaef agus ní dhearna sé rogha de threibh Eafráim.
[68]Ach rinne sé rogha de threibh Iúdá; Sliabh Shíón dár thug sé grá.

[69]Thóg sé a scrín i gcosúlacht neimhe; mar an talamh a bhunaigh sé go brách.

[70]Agus thogh sé Dáiví a ghiolla; á thabhairt ó chróite na gcaorach.
[71]Thug sé ó chúram na gcaorach é a dhéanamh aoireacht a phobail, Iacób, agus Iosrael, a oidhreacht féin.

[72]Bheathaigh sé le croí gan cháim iad, agus threoraigh iad go ciallmhar críonna.

Salm 79

An Sanctóir Scriosta

[1]*Salm Ásáf.* A Dhia, tháinig na ciníocha isteach i do thír agus rinne siad truailliú ar do theampall naofa; scrios siad Iarúsailéim go ndearna carnán cloch di.
[2]Thugadar mar an gcéanna corpáin do sheirbhíseach chun bheith ina mbia ag éanlaith an aeir agus feoil do chuid naomh d'ainmhithe allta na tíre.
[3]Dhoirt siad a gcuid fola amhail uisce mórthimpeall Iarúsailéim; agus ní raibh duine le fáil a chuirfeadh san uaigh iad.

[4] Tornamo-nos o opróbrio dos nossos vizinhos, o escárnio e a zombaria dos que nos rodeiam.

[4]Táimid mar ábhar aithise go dearfa ag ár gcomharsana; is ceap magaidh agus scige sinn dá mbíonn inár dtimpeall.

[5] Até quando, SENHOR? Será para sempre a tua ira? Arderá como fogo o teu zelo?

[5]Cá fhad, a Thiarna? An mbeidh tú i bhfeirg linn go deo? Cá fhad a bheidh d'fhormad ar lasadh mar thine?

[6] Derrama o teu furor sobre as nações que te não conhecem e sobre os reinos que não invocam o teu nome.

[6]Lig amach do racht ar na ciníocha; ar na ríochtaí nach bhfuil admháil acu ar d'ainm.

[7] Porque eles devoraram a Jacó e lhe assolaram as moradas.

[7]Óir is amhlaidh a d'alp siad Iacób; agus rinne siad a áras cónaithe a scriosadh.

[8] Não recordes contra nós as iniqüidades de nossos pais; apressem-se ao nosso encontro as tuas misericórdias, pois estamos sobremodo abatidos.

[8]Ná leag orainne coireanna ár sean agus ár sinsear; go dtaga do thrua inár ndáil gan mhoill mar tá srathair na hainnise ag brú orainn go dóite.

[9] Assiste-nos, ó Deus e Salvador nosso, pela glória do teu nome; livra-nos e perdoa-nos os pecados, por amor do teu nome.

[9]A Dhia ar slánaithe, brostaigh chun ár gcúnaimh; cuidigh linn ar mhaithe le glóir d'ainm féin. Fuascail sinn agus maith dúinn ár bpeacaí as ucht d'ainm.

[10] Por que diriam as nações: Onde está o seu Deus? Seja, à nossa vista, manifesta entre as nações a vingança do sangue que dos teus servos é derramado.

[10]Cad fáth a ndeir na ciníocha: "Cá bhfuil a nDia?" Gura follas do na ciníocha os comhair ár súl go mbainfidh tú díoltas díobh in éiric fuil do sheirbhíseach a dhoirteadh.

[11] Chegue à tua presença o gemido do cativo; consoante a grandeza do teu poder, preserva os sentenciados à morte.

[11]Go dtaga i do láthair osnaí bróin na bpríosúnach; agus go saora tú le do chumhacht an dream a daoradh chun báis.

[12] Retribui, SENHOR, aos nossos vizinhos, sete vezes tanto, o opróbrio com que te vituperaram.

[12]Cúitigh, a Thiarna, faoi sheacht lenár gcomharsana; an aithis urghránna a chas siad leatsa.

[13] Quanto a nós, teu povo e ovelhas do teu pasto, para sempre te daremos graças; de geração em geração proclamaremos os teus louvores.

[13]Ach sinne, do phobal agus caoirigh do pháirce, tabharfaimid buíochas duit go brách na breithe; agus foilseoímid do mholadh ó ghlúin go chéile.

Salmo 80

Salm 80

Pedindo restaurações

Ao mestre de canto, segundo a melodia "Os lírios". Testemunho de Asafe. Salmo

1 Dá ouvidos, ó pastor de Israel, tu que conduzes a José como um rebanho; tu que estás entronizado acima dos querubins, mostra o teu esplendor.

2 Perante Efraim, Benjamim e Manassés, desperta o teu poder e vem salvar-nos.

3 Restaura-nos, ó Deus; faze resplandecer o teu rosto, e seremos salvos.

4 Ó SENHOR, Deus dos Exércitos, até quando estarás indignado contra a oração do teu povo?

5 Dás-lhe a comer pão de lágrimas e a beber copioso pranto.

6 Constituis-nos em contendas para os nossos vizinhos, e os nossos inimigos zombam de nós a valer.

7 Restaura-nos, ó Deus dos Exércitos; faze resplandecer o teu rosto, e seremos salvos.

8 Trouxeste uma videira do Egito, expulsaste as nações e a plantaste.

9 Dispuseste-lhe o terreno, ela deitou profundas raízes e encheu a terra.

10 Com a sombra dela os montes se cobriram, e, com os seus sarmentos, os cedros de Deus.

11 Estendeu ela a sua ramagem até ao mar e os seus rebentos, até ao rio.

12 Por que lhe derribaste as cercas, de sorte que a vindimam todos os que passam pelo caminho?

Fíonghort Scriosta

1*Don stiúrthóir. Leis an bhfonn "Na Lilí". Salm Ásáf.*

2 Éist linn, a aoire Iosrael, a sheolann Iósaef mar thréad. I do shuí ar na ceiribíní duit bí ag taitneamh

3 ar Eafráim agus Biniáimin agus Manaise. Corraigh do chumhacht, a Thiarna; a Thiarna, tar chugainn dár sábháil.

4 Cuir ar ais sinn, a Thiarna na slua; taispeáin dúinn do ghnúis ghrianmhar, dár saoradh.

5 A Dhia na slua, cá fhad a bheidh tú ar buile, ar a shon go bhfuil do phobal ag guí?

6 Bheathaigh tú iad le harán na ndeor; agus thug tú flúirse deor dóibh le hól.

7 Rinne tú ceap magaidh dínn dár gcomharsana; agus bíonn ár naimhde ag fonóid fúinn eatarthu féin.

8 Cuir ar ais sinn, a Thiarna na slua; taispeáin dúinn do ghnúis ghrianmhar, dár saoradh.

9 Thug tú fíniúin amach as an Éigipt; dhíbir tú na cinìocha gur phlandaigh tú í.

10 Rinne tú an ithir a réiteach di; chuir sí a fréamhacha agus líon sí an tír.

11 Folaíodh na sléibhte faoina scáth; agus céadrais Dé faoina géaga.

12 Shín sí a craobhacha chun na mara; agus leath sí a bachlóga chun na habhann.

13 Cad chuige duit a ballaí a bhriseadh; go stoitheann gach aon neach a ghabhann thar bráid í?

[13] O javali da selva a devasta, e nela se repastam os animais que pululam no campo.
[14] Ó Deus dos Exércitos, volta-te, nós te rogamos, olha do céu, e vê, e visita esta vinha;

[15] protege o que a tua mão direita plantou, o sarmento que para ti fortaleceste.

[16] Está queimada, está decepada. Pereçam os nossos inimigos pela repreensão do teu rosto.
[17] Seja a tua mão sobre o povo da tua destra, sobre o filho do homem que fortaleceste para ti.

[18] E assim não nos apartaremos de ti; vivifica-nos, e invocaremos o teu nome.

[19] Restaura-nos, ó SENHOR, Deus dos Exércitos, faze resplandecer o teu rosto, e seremos salvos.

Salmo 81

Exortação a louvor e obediência

Ao mestre de canto, segundo a melodia "Os lagares". Salmo de Asafe

[1] Cantai de júbilo a Deus, força nossa; celebrai o Deus de Jacó.

[2] Salmodiai e fazei soar o tamboril, a suave harpa com o saltério.

[3] Tocai a trombeta na Festa da Lua Nova, na lua cheia, dia da nossa festa.
[4] É preceito para Israel, é prescrição do Deus de Jacó.

[14] Creachann torc fiáin na coille í agus alpann ainmhithe allta an mhachaire í.

[15] Cas ar ais, a Dhia na slua, breathnaigh anuas ó neamh, agus féach,

[16] tabhair cuairt ar an bhfíniúin seo agus caomhnaigh í, óir phlandaigh do dheaslámh féin í.

[17] An dream a thug tine di agus a ghearr anuas í go scriosa bagairt do ghnúise iad.

[18] Go raibh do lámh ar fhear do dheasláimhe, ar mhac an duine a neartaigh tú duit féin.
[19] Feasta, ní thréigfimid go brách thú; athbheoigh sinn agus glaofaimid ar d'ainm.

[20] Cuir ar ais sinn, a Thiarna na slua; taispeáin dúinn do ghnúis ghrianmhar dár saoradh.

Salm 81

Féile an Fhómhair agus na hAthbhliana

[1] *Don stiúrthóir. Leis an bhfonn "Na Cantaoirí Fíona". Le hÁsáf.*
[2] Canaimis go meidhreach do Dhia ár neart; tógaigí gártha gliondair do Dhia Iacóib.
[3] Cromaigí ar an gceol agus buailigí an tiompán, an bhinnchruit chaoin agus an chláirseach.
[4] Séidigí an stoc le linn na gealaí úire, nuair is lán don ghealach, lá na féile.
[5] Óir is bunreacht in Iosrael é; is reacht é de reachtanna Dia Iacóib

[5] Ele o ordenou, como lei, a José, ao sair contra a terra do Egito. Ouço uma linguagem que eu não conhecera.

[6] Livrei os seus ombros do peso, e suas mãos foram livres dos cestos.

[7] Clamaste na angústia, e te livrei; do recôndito do trovão eu te respondi e te experimentei junto às águas de Meribá.

[8] Ouve, povo meu, quero exortar-te. Ó Israel, se me escutasses!

[9] Não haja no meio de ti deus alheio, nem te prostres ante deus estranho.

[10] Eu sou o SENHOR, teu Deus, que te tirei da terra do Egito. Abre bem a boca, e ta encherei.

[11] Mas o meu povo não me quis escutar a voz, e Israel não me atendeu.

[12] Assim, deixei-o andar na teimosia do seu coração; siga os seus próprios conselhos.

[13] Ah! Se o meu povo me escutasse, se Israel andasse nos meus caminhos!

[14] Eu, de pronto, lhe abateria o inimigo e deitaria mão contra os seus adversários.

[15] Os que aborrecem ao SENHOR se lhe submeteriam, e isto duraria para sempre.

[16] Eu o sustentaria com o trigo mais fino e o saciaria com o mel que escorre da rocha.

[6] a d'achtaigh an dlí seo do Iósaef nuair a ghabh sé amach in aghaidh na hÉigipte.

[7] Teanga nárbh aithnid dom a chuala mé: “Thug mé faoiseamh dá ghualainn ón ualach agus fuasclaíodh a lámha ón gcliabh.

[8] Ghlaoigh tú orm in am an bhuairimh agus shaor mé thú; thug mé freagra ort as néal na doininne; rinne mé do thástáil ag uiscí Mhiríbeá. ***(Selah)***

[9] Éistigí, a phobal liom, tabharfaidh mé comhairle daoibh; monuar nach n-éisteann tú liom, a Iosrael!

[10] Ná bíodh aon dia deoranta in bhur measc; ná déanaigí dia eachtrannach a adhradh.

[11] Mise an Tiarna, bhur nDia, a sheol sibh as tír na hÉigipte; oscail do bhéal go fairsing agus líonfaidh mé é.

[12] Ach ní éistfeadh mo phobal le mo ghlór; níorbh áil le hIosrael bheith umhal dom.

[13] Thug mé suas iad do mhianta a gcroí; chun cibé ní ab áil leo a dhéanamh.

[14] Dá mb'áil le mo phobal éisteacht liom; dá siúlfadh Iosrael i mo shlite,

[15] chuirfinn a naimhde faoi chois gan mhoill; agus dhéanfainn a n-eascairde a threascairt.

[16] Bheadh lucht fuatha an Tiarna ag lútáil leis; ach bheidís faoi bhroid go brách.

[17] Bheathóinn [Iosrael] le scoth na cruithneachta; agus líonfainn é le mil as an gcarraig.”

Salmo 82

Increpadas a injustiça e a parcialidade dos juízes

Salmo de Asafe

[1] Deus assiste na congregação divina; no meio dos deuses, estabelece o seu julgamento.

[2] Até quando julgareis injustamente e tomareis partido pela causa dos ímpios?

[3] Fazei justiça ao fraco e ao órfão, procedei retamente para com o aflito e o desamparado.

[4] Socorrei o fraco e o necessitado; tirai-os das mãos dos ímpios.

[5] Eles nada sabem, nem entendem; vagueiam em trevas; vacilam todos os fundamentos da terra.

[6] Eu disse: sois deuses, sois todos filhos do Altíssimo.

[7] Todavia, como homens, morrereis e, como qualquer dos príncipes, haveis de sucumbir.

[8] Levanta-te, ó Deus, julga a terra, pois a ti compete a herança de todas as nações.

Salmo 83

Julgamento de Deus contra as nações inimigas

Cântico. Salmo de Asafe

[1] Ó Deus, não te cales; não te emudeças, nem fiques inativo, ó Deus!

[2] Os teus inimigos se alvoroçam, e os que te odeiam levantam a cabeça.

Salm 82

Breith Dé ar Bhreithiúna Éagóracha

[1]*Salm Ásáf.* Éiríonn Dia sa chomhthionól diaga a thabhairt breithiúnais i lár na ndéithe.

[2]"Cá fhad a thabharfaidh sibh breith go héagórach; agus lé agaibh le cúis na n-éagráifeach? ***(Selah)***

[3]Cosnaígí an daibhir agus an dílleachta; déanaigí ceart don dealbh agus don dearóil.

[4]Fuasclaígí a bhfuil faoi ansmacht agus ainnise; sabhálaigí ó láimh na n-éagráifeach iad."

[5]Bíonn siad ag útamáil gan tuiscint sa dorchacht; agus fothaí na talún á mbogadh.

[6]Is é rud a dúirt mé: "Is déithe sibh; clann an Té is Airde sibh uile.

[7]Éagfaidh sibh, mar sin féin, ar nós daoine; agus titfidh sibh mar a thitfeadh prionsa ar bith."

[8]Éirigh, a Dhia! tabhair breith ar an talamh; óir is leat na ciníocha go léir.

Salm 83

In Aghaidh an Namhad

[1]*Amhrán. Salm Ásáf.*

[2] Ná bí i do thost, a Dhia; ná bí balbh, a Dhia; ná bí ciúin.

[3] Óir féach! tá do naimhde ag tógáil clampair; agus tá do lucht fuatha ag tógáil a gcinn.

[3] Tramam astutamente contra o teu povo e conspiram contra os teus protegidos.

[4] Dizem: Vinde, risquemo-los de entre as nações; e não haja mais memória do nome de Israel.

[5] Pois tramam concordemente e firmam aliança contra ti

[6] as tendas de Edom e os ismaelitas, Moabe e os hagarenos,

[7] Gebal, Amom e Amaleque, a Filístia como os habitantes de Tiro;

[8] também a Assíria se alia com eles, e se constituem braço forte aos filhos de Ló.

[9] Faze-lhes como fizeste a Midiã, como a Sísera, como a Jabim na ribeira de Quisom;

[10] os quais pereceram em En-Dor; tornaram-se adubo para a terra.

[11] Sejam os seus nobres como Orebe e como Zeebe, e os seus príncipes, como Zeba e como Zalmuna,

[12] que disseram: Apoderemo-nos das habitações de Deus.

[13] Deus meu, faze-os como folhas impelidas por um remoinho, como a palha ao léu do vento.

[14] Como o fogo devora um bosque e a chama abrasa os montes,

[4] Chinn siad ar chomhairle in aghaidh do phobail; chuaigh siad i gcogar in aghaidh aos do ghrá.

[5] Dúirt siad: "Déanaimis a scriosadh mar phobal; go ndéanfar dearmad ar ainm Iosrael feasta."

[6] Déanann siad cogar le chéile d'aon intinn; déanann siad cor agus conradh i do choinne.

[7] Pubaill chlanna Eadóm agus Ísmeáéil; pubaill chlanna Mhóáb agus Hágár,

[8] Geabal agus Amón agus Amáiléic; na Filistínigh agus lucht áitrithe na Tuíre,

[9] Chuaigh an Asaír mar an gcéanna i gcomhar leo; a thabhairt cúnaimh agus nirt do chlann Lót. ***(Selah)***

[10] Déan leo siúd mar a rinne tú le Midián; le Síseará agus Iábaín cois Chiseon;

[11] an mhuintir a díthíodh ag Éan Dór, a ndearnadh aoileach dá gcoirp ar an talamh.

[12] Tabhair oidhe Oraeb agus Zéab ar a bhflatha, oidhe Zéaba agus Zalmuná ar a dtaoisigh -

[13] an drong a dúirt: "Gabhaimis seilbh ar pháirceanna Dé mar oidhreacht againn féin."

[14] Cuir scaipeadh orthu, a Dhia, mar lóchán; nó mar cháith ag imeacht le gaoith.

[15] Mar a loisceann an tine an choill, mar a loisceann an lasair na sléibhte,

[15] assim, persegue-os com a tua tempestade e amedronta-os com o teu vendaval.
[16] Enche-lhes o rosto de ignomínia, para que busquem o teu nome, SENHOR.
[17] Sejam envergonhados e confundidos perpetuamente; perturbem-se e pereçam.

[18] E reconhecerão que só tu, cujo nome é SENHOR, és o Altíssimo sobre toda a terra.

[16] cuir an ruaig orthu siúd le do dhoineann; cuir sceimhle agus scanradh orthu le do stoirm.
[17] Folaigh a n-éadan le náire; nó go n-iarrfaidh siad d'ainm, a Thiarna.
[18] Bíodh náire agus scéin go brách orthu; go n-éaga siad faoi tháir agus tharcaisne!
[19] Bíodh a fhios acu gur tú amháin an Tiarna; an Té is Airde os cionn an domhain go léir.

Salmo 84

Saudades do templo

Ao mestre de canto, segundo a melodia "Os lagares". Salmo dos filhos de Corá

[1] Quão amáveis são os teus tabernáculos, SENHOR dos Exércitos!

[2] A minha alma suspira e desfalece pelos átrios do SENHOR; o meu coração e a minha carne exultam pelo Deus vivo!

[3] O pardal encontrou casa, e a andorinha, ninho para si, onde acolha os seus filhotes; eu, os teus altares, SENHOR dos Exércitos, Rei meu e Deus meu!
[4] Bem-aventurados os que habitam em tua casa; louvam-te perpetuamente.
[5] Bem-aventurado o homem cuja força está em ti, em cujo coração se encontram os caminhos aplanados,

[6] o qual, passando pelo vale árido, faz dele um manancial; de bênçãos o cobre a primeira chuva.

[7] Vão indo de força em força; cada um deles aparece diante de Deus em Sião.

Salm 84

Is Méanar dá ndéanann Cónaí i dTeach Dé

[1] *Do stiúrthóir an chóir. Leis an bhfonn "Na Cantaoirí Fíona". Salm le clann Chorach.*
[2] Nach álainn go dearfa d'áras, a Thiarna na slua!
[3] Ag meirtniú le méin do m'anam, santaíonn sé cúirteanna an Tiarna. Gairdíonn mo chroí is mo cholainn, i nDia - an Dia bithbheo.
[4] An gealbhan féin, fuair sé teach; fuair an fháinleog nead di féin mar a gcuirfeadh sí a hál ag d'altóirí; a Thiarna na slua, a rí liom is a Dhia.
[5] Is méanar dá ndéanann cónaí i do theach; beidh siad do do mholadh de shíor.

[6] Is méanar dóibh siúd gur tusa a neart; an dream a mbíonn do shlite ina gcroí.

[7] Ag gabháil dóibh trí ghleann an tseirfin, feictear dóibh gur gleann na dtoibreacha é; líonann báisteach an earraigh le beannachtaí é.
[8] Téann siad ó neart go neart; feicfidh siad Dia na ndéithe i Síón.

[8] SENHOR, Deus dos Exércitos, escuta-me a oração; presta ouvidos, ó Deus de Jacó!
[9] Olha, ó Deus, escudo nosso, e contempla o rosto do teu ungido.

[10] Pois um dia nos teus átrios vale mais que mil; prefiro estar à porta da casa do meu Deus, a permanecer nas tendas da perversidade.

[11] Porque o SENHOR Deus é sol e escudo; o SENHOR dá graça e glória; nenhum bem sonega aos que andam retamente.

[12] Ó SENHOR dos Exércitos, feliz o homem que em ti confia.

Salmo 85

Pede-se o perdão de Deus

Ao mestre de canto. Salmo dos filhos de Corá

[1] Favoreceste, SENHOR, a tua terra; restauraste a prosperidade de Jacó.

[2] Perdoaste a iniqüidade de teu povo, encobriste os seus pecados todos.
[3] A tua indignação, reprimiste-a toda, do furor da tua ira te desviaste.
[4] Restabelece-nos, ó Deus da nossa salvação, e retira de sobre nós a tua ira.
[5] Estarás para sempre irado contra nós? Prolongarás a tua ira por todas as gerações?

[6] Porventura, não tornarás a vivificar-nos, para que em ti se regozije o teu povo?

[9] A Thiarna na slua, éist le mo ghuí; tabhair cluas dom, a Dhia Iacóib. ***(Selah)***
[10] Féach, a Dhia, ár sciath; agus breathnaigh ar aghaidh d'ungthaigh féin.
[11] B'fhearr liom aon lá amháin i do chúirteanna ná míle lá in aon áit eile. B'fhearr liom bheith ar thairseach theach Dé ná bheith i mo chónaí i mbothanna na bpeacach.
[12] Óir is grian agus is sciath é an Tiarna Dia a bhronnann orainn grásta agus glóir. Ní eitíonn sé maitheas ar bith ar an muintir a chaitheann a mbeatha gan cháim.
[13] A Thiarna (a Dhia) na slua, is aoibhinn don té a bhfuil a dhóchas ionat.

Salm 85

Athbhunú Chlann Iosrael

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Salm le clann Chorach.*
[2] Bhí tú fabhrach le do thalamh, a Thiarna; d'athraigh tú chun feabhais cinniúint Iacóib.
[3] Mhaith tú a gcoir do do phobal agus d'fholaigh tú a bpeacaí go léir.
[4] Chuir tú cosc le d'fhearg ar fad; chuir tú suas de do chonfadh buile.
[5] Cuir ar ais sinn, a Dhia ár Slanaitheoir; agus ná bí i bhfaltanas linn feasta.
[6] An mbeidh tú i bhfeirg linn go brách, nach mbeidh deireadh go deo le do fhraoch?
[7] Nach dtabharfaidh tú aiseag ár mbeatha dúinn chun go ndéanfaidh do phobal lúcháir ionat?

[7] Mostra-nos, SENHOR, a tua misericórdia e concede-nos a tua salvação.

[8] Escutarei o que Deus, o SENHOR, disser, pois falará de paz ao seu povo e aos seus santos; e que jamais caiam em insensatez.

[9] Próxima está a sua salvação dos que o temem, para que a glória assista em nossa terra.

[10] Encontraram-se a graça e a verdade, a justiça e a paz se beijaram.

[11] Da terra brota a verdade, dos céus a justiça baixa o seu olhar.

[12] Também o SENHOR dará o que é bom, e a nossa terra produzirá o seu fruto.

[13] A justiça irá adiante dele, cujas pegadas ela transforma em caminhos.

[8] Taispeáin dúinn, a Thiarna, do thrócaire, agus tabhair dúinn cúnamh do shlánaithe.

[9] Éistfidh mé leis an Tiarna Dia óir labhróidh sé ar son na síochána - síocháin dá mhuintir agus dá fhíréin; agus don dream a d'iompaigh chuige ó chroí.

[10] Tá a shlánú i ngar do lucht a eaglaithe; chun go gcónódh a ghlóir inár dtír.

[11] Casadh ar a chéile an buanghrá is an dílseacht; phóg an fhíréantacht agus an tsíocháin a chéile.

[12] Eascróidh an dílseacht as an talamh; agus breathnóidh an fhíréantacht ó neamh.

[13] Cuirfidh an Tiarna an séan orainn; agus tabharfaidh an talamh a thoradh uaidh.

[14] Rachaidh an fhíréantacht roimhe amach; agus an slánú i slí a choiscéimeanna.

Salmo 86

Súplica e confiança

Oração de Davi

[1] Inclina, SENHOR, os ouvidos e responde-me, pois estou aflito e necessitado.

[2] Preserva a minha alma, pois eu sou piedoso; tu, ó Deus meu, salva o teu servo que em ti confia.

[3] Compadece-te de mim, ó SENHOR, pois a ti clamo de contínuo.

[4] Alegra a alma do teu servo, porque a ti, SENHOR, elevo a minha alma.

Salm 86

Urnaí in Am na Trioblóide

[1]*Achainí Dháiví.* Claon do chluas, a Thiarna, agus éist liom, óir tá mé go dearóil dealbh.

[2]Déan m'anam a chosaint óir is dílis mé; fóir ar do ghiolla a bhfuil a dhóchas ionat.

[3]Is tú mo Dhia; bíodh trua agat dom, a Thiarna, óir bím ag éamh ort gan stad ar feadh an lae.

[4]Cuir áthas ar anam do sheirbhísigh, óir is chugat a thógaim m'anam, a Thiarna.

[5] Pois tu, SENHOR, és bom e compassivo; abundante em benignidade para com todos os que te invocam.

[5]Óir is maith agus is ceansa thú, a Thiarna, lán de bhuanghrá dá mbíonn ag éamh ort.

[6] Escuta, SENHOR, a minha oração e atende à voz das minhas súplicas.

[6]Éist le m'urnaí, a Thiarna; tabhair aire do ghlór mo ghuí.

[7] No dia da minha angústia, clamo a ti, porque me respondes.

[7]Is ortsa a ghlaoim lá mo bhuartha; de bhrí go n-éisteann tú liom.

[8] Não há entre os deuses semelhante a ti, SENHOR; e nada existe que se compare às tuas obras.

[8]Níl do shamhail i measc na ndéithe, a Thiarna; ná níl neach ann a dhéanfadh do ghníomhartha.

[9] Todas as nações que fizeste virão, prostrar-se-ão diante de ti, SENHOR, e glorificarão o teu nome.

[9]Na ciníocha go léir a rinne tú, tiocfaidh siad do d'adhradh, a Thiarna; agus déanfaidh siad d'ainm a fhógairt.

[10] Pois tu és grande e operas maravilhas; só tu és Deus!

[10]Óir is éachtach tú agus is iontach iad do ghníomhartha; is tú amháin is Dia ann.

[11] Ensina-me, SENHOR, o teu caminho, e andarei na tua verdade; dispõe-me o coração para só temer o teu nome.

[11]Múin do shlí dom, a Thiarna; i dtreo go siúlfainn i d'fhírinne; agus déan mo chroí a dhíriú, i dtreo gurab eagal liom d'ainm.

[12] Dar-te-ei graças, SENHOR, Deus meu, de todo o coração, e glorificarei para sempre o teu nome.

[12]Tabharfaidh mé buíochas duit ó chroí, a Thiarna Dia; agus molfaidh mé d'ainm go brách.

[13] Pois grande é a tua misericórdia para comigo, e me livraste a alma do mais profundo poder da morte.

[13]Óir ba mhór é do thrócaire go deimhin orm; sciob tú m'anam leat ó dhuibheagán ifrinn.

[14] Ó Deus, os soberbos se têm levantado contra mim, e um bando de violentos atenta contra a minha vida; eles não te consideram.

[14]D'éirigh lucht díomais i m'éadan, a Dhia, tá drong gan trua ar thoir m'anama, drong nach bhfuil aird acu ortsa.

[15] Mas tu, SENHOR, és Deus compassivo e cheio de graça, paciente e grande em misericórdia e em verdade.

[15]A Thiarna Dia na trua agus na taise, ar deacair thú a spreagadh chun feirge, agus atá lán de ghrá agus d'fhírinne:

[16] Volta-te para mim e compadece-te de mim; concede a tua força ao teu servo e salva o filho da tua serva.

[16]Féach orm agus bíodh trua agat dom. Tabhair neart do do ghiolla, a Thiarna, agus cúnamh do mhac do bhanóglaigh.

[17] Mostra-me um sinal do teu favor, para que o vejam e se envergonhem os que me aborrecem; pois tu, SENHOR, me ajudas e me consolas.

Salmo 87

Jerusalém, amada de Deus
Salmo dos filhos de Corá. Cântico

[1] Fundada por ele sobre os montes santos,

[2] o SENHOR ama as portas de Sião mais do que as habitações todas de Jacó.
[3] Gloriosas coisas se têm dito de ti, ó cidade de Deus!

[4] Dentre os que me conhecem, farei menção de Raabe e da Babilônia; eis aí Filístia e Tiro com Etiópia; lá, nasceram.

[5] E com respeito a Sião se dirá: Este e aquele nasceram nela; e o próprio Altíssimo a estabelecerá.
[6] O SENHOR, ao registrar os povos, dirá: Este nasceu lá.
[7] Todos os cantores, saltando de júbilo, entoarão: Todas as minhas fontes são em ti.

Salmo 88

Lamentação de um atribulado

Cântico. Salmo dos filhos de Corá. Ao mestre de canto. Para ser cantado com cítara. Salmo didático de Hemã, ezraíta

[1] Ó SENHOR, Deus da minha salvação, dia e noite clamo diante de ti.
[2] Chegue à tua presença a minha oração, inclina os ouvidos ao meu clamor.

[17]Tabhair dom comhartha do cheana go bhfeice mo naimhde é is go ndéantar a náiriú, toisc gur bhronn tú orm cabhair agus sólás, a Thiarna.

Salm 87

Síón, Máthair na gCiníocha Uile

[1]*Salm chlann Chorach. Amhrán.* Is ionúin leis an Tiarna a chathair suite sna sléibhte.
[2]Is ansa leis an Tiarna doirse Shíón na bothanna uile Iacóib.
[3]Maítear nithe glórmhara i do thaobh, a chathair Dé!
[4]“Áireoidh mé Ráhab agus an Bhablóin ar lucht mo adhartha. Beidh Filistía agus an Tuír agus an Aetóip á n-áireamh ina gclann aici.
[5]Agus beifear á rá faoi Shíón: Sí is máthair dó seo is dó siúd.’ ” Is é an Tiarna, an Té is Airde, a bhunaigh go daingean í.
[6]Scríobhfaidh an Tiarna i leabhar na bpobal: “Rugadh iad uile san áit sin.”

[7]Ag rince dóibh beidh siad ag canadh: “Níl foinse agam nach bhfuil ionatsa.”

Salm 88

Faoi Bhráca an Bhróin

[1]*Amhrán: Salm de chuid chlann Chorach. Don stiúrthóir. Leis an bhfonn “Mahalat”. Mascil Heman an dúchasach.*
[2] A Thiarna Dia, bím ag éamh ort de lá; bím ag caoineadh istoíche os do chomhair.
[3] Go dtaga mo ghuí ag triall ort; claon do chluas chun mo ghlóir.

[3] Pois a minha alma está farta de males, e a minha vida já se abeira da morte.
[4] Sou contado com os que baixam à cova; sou como um homem sem força,
[5] atirado entre os mortos; como os feridos de morte que jazem na sepultura, dos quais já não te lembras; são desamparados de tuas mãos.
[6] Puseste-me na mais profunda cova, nos lugares tenebrosos, nos abismos.
[7] Sobre mim pesa a tua ira; tu me abates com todas as tuas ondas.
[8] Apartaste de mim os meus conhecidos e me fizeste objeto de abominação para com eles; estou preso e não vejo como sair.
[9] Os meus olhos desfalecem de aflição; dia após dia, venho clamando a ti, SENHOR, e te levanto as minhas mãos.

[10] Mostrarás tu prodígios aos mortos ou os finados se levantarão para te louvar?

[11] Será referida a tua bondade na sepultura? A tua fidelidade, nos abismos?
[12] Acaso, nas trevas se manifestam as tuas maravilhas? E a tua justiça, na terra do esquecimento?
[13] Mas eu, SENHOR, clamo a ti por socorro, e antemanhã já se antecipa diante de ti a minha oração.
[14] Por que rejeitas, SENHOR, a minha alma e ocultas de mim o rosto?
[15] Ando aflito e prestes a expirar desde moço; sob o peso dos teus terrores, estou desorientado.

[4] Óir tá m'anam lánualaithe le buarthaí; tá mo bheatha ag druidim leis an uaigh.
[5] Áirítear mé ar an drong a ghabhann sa pholl; agus ráinig mé mar neach gan neart;
[6] mar dhuine ina aonar i measc na marbh, amhail an t-ár ina luí san uaigh, atá imithe as do chuimhne go brách, agus atá scartha le do chúram caomhnaitheach.
[7] Chuir tú go domhain san uachais mé, in íochtar an duibheagáin dhorcha.
[8] Luíonn do dhíbheirg go trom orm; tá mé báite faoi do thonnta go léir.
[9] Chuir tú mo chairde i bhfad uaim; thug tú orthu déistin a ghlacadh liom. Táim faoi ghlas is ní féidir liom éalú;
[10] tá mo shúile ag meirtniú le téann buartha. Bím ag éamh ort gach aon lá, a Thiarna; is chugat a shínim mo lámha.
[11] An ndéanfaidh tú éachtaí do na mairbh? an éireoidh na neamhbheo do do mholadh?
[12] An bhfógrófar do ghrá san uaigh, nó do dhílseacht i measc na marbh?

[13] An bhfoilseofar d'éachtaí sa dorchacht; agus d'fhíréantacht i dtír na díchuimhne?

[14] Is ort a bhím ag éamh, a Thiarna, is chugat a thagann m'urnaí ar maidin.
[15] Cad chuige duit m'anam a ruaigeadh? cad fáth a bhfolaíonn tú d'aghaidh orm?
[16] Tá mé i m'ainniseoir, i riocht bháis ó m'óige; scanraigh mé romhat gur traochadh mo neart.

[16] Por sobre mim passaram as tuas iras, os teus terrores deram cabo de mim.

[17] Eles me rodeiam como água, de contínuo; a um tempo me circundam.

[18] Para longe de mim afastaste amigo e companheiro; os meus conhecidos são trevas.

[17] Tháinig do dhíbheirg orm anuas, agus rinne do sceimhle mo scriosadh.

[18] Bíonn siad i mo thimpeall de shíor amhail tuile; tagann siad uile i mo thimpeall in éineacht.

[19] Sciob tú uaim mo chara agus mo chomharsa; is í an dorchacht mo chompánachsa feasta.

Salmo 89

Promessa do reino messiânico a Davi
Salmo didático de Etã, ezraíta
1 Rs 4.31

[1] Cantarei para sempre as tuas misericórdias, ó SENHOR; os meus lábios proclamarão a todas as gerações a tua fidelidade.

[2] Pois disse eu: a benignidade está fundada para sempre; a tua fidelidade, tu a confirmarás nos céus, dizendo:

[3] Fiz aliança com o meu escolhido e jurei a Davi, meu servo:

[4] Para sempre estabelecerei a tua posteridade e firmarei o teu trono de geração em geração.

[5] Celebram os céus as tuas maravilhas, ó SENHOR, e, na assembléia dos santos, a tua fidelidade.

[6] Pois quem nos céus é comparável ao SENHOR? Entre os seres celestiais, quem é semelhante ao SENHOR?

[7] Deus é sobremodo tremendo na assembléia dos santos e temível sobre todos os que o rodeiam.

Salm 89

Turnamh Theaghlach Dháiví

[1] *Mascil Ethan an dúchasach.*

[2] Canfaidh mé de shíor faoi do bhuanghrá, a Thiarna; fógróidh mé do dhílseacht ó ghlúin go glúin.

[3] Óir is deimhin gur daingníodh do bhuanghrá go brách, agus shocraigh tú do dhílseacht chomh buan le neamh.

[4] “Cheangail mé conradh,” [a dúirt tú,] “leis an té a roghnaigh mé; dhearbhaigh mé do Dháiví mo sheirbhíseach:

[5] ‘Socróidh mé do shliocht go brách, agus bunóidh mé do ríchathaoir go deo.’ ”

[6] Foilsíonn na flaithis do mhíorúiltí, a Thiarna; tá d'fhírinne á moladh ag comhthionól na naomh.

[7] Óir cé is cosúil leis an Tiarna sna néalta, cé atá inchurtha le Dia ar shlua na bhflaitheas?

[8] Ó SENHOR, Deus dos Exércitos, quem é poderoso como tu és, SENHOR, com a tua fidelidade ao redor de ti?!

[9] Dominas a fúria do mar; quando as suas ondas se levantam, tu as amainas.

[10] Calcaste a Raabe, como um ferido de morte; com o teu poderoso braço dispersaste os teus inimigos.

[11] Teus são os céus, tua, a terra; o mundo e a sua plenitude, tu os fundaste.

[12] O Norte e o Sul, tu os criaste; o Tabor e o Hermom exultam em teu nome.

[13] O teu braço é armado de poder, forte é a tua mão, e elevada, a tua destra.

[14] Justiça e direito são o fundamento do teu trono; graça e verdade te precedem.

[15] Bem-aventurado o povo que conhece os vivas de júbilo, que anda, ó SENHOR, na luz da tua presença.

[16] Em teu nome, de contínuo se alegra e na tua justiça se exalta,

[17] porquanto tu és a glória de sua força; no teu favor avulta o nosso poder.

[18] Pois ao SENHOR pertence o nosso escudo, e ao Santo de Israel, o nosso rei.

[19] Outrora, falaste em visão aos teus santos e disseste: A um herói concedi o poder de

[8] Is uafásach é Dia i gcomhchomhairle na naomh; is éachtach é agus is uamhnach thar a bhfuil ina thimpeall.

[9] A Thiarna Dia na slua, cé is comhionann leat? Is cumhachtach tú, a Thiarna, agus do dhílseacht de gach leith díot.

[10] Is agatsa atá ceannas ar fhraoch na farraige; is tú a chuireann cosc le tulca na dtonnta.

[11] Bhuail tú cos ar Ráhab go ndearna tú bloghanna de; agus scaip tú d'eascairde le do chuisle chumhachtach.

[12] Is leat na flaithis, is leat an talamh; is tú a bhunaigh an domhan agus a bhfuil ann.

[13] Is tú a chruthaigh an tuaisceart is an deisceart; molann Tábór agus Hearmón d'ainm le corp áthais.

[14] Is cumasach an chuisle atá agat, a Thiarna, is daingean do lámh, agus do dheaslámh crochta.

[15] Cóir agus ceart atá mar bhonn do do ríchathaoir; gabhann buanghrá agus dílseacht romhat amach.

[16] Is aoibhinn don phobal arb eol dóibh an gháir áthais; siúlann siad faoi sholas do ghnúise, a Thiarna.

[17] Déanann siad gairdeas i d'ainm feadh an lae; agus déantar a móradh as ucht d'fhíréantachta.

[18] Is tú, a Thiarna, dealramh a gcumhachta; agus is trí do chaoinchineáltas a ardaítear ár neart.

[19] Óir is é an Tiarna is sciath dár gcosaint; agus is é Neach Naofa Iosrael is rí orainn.

socorrer; do meio do povo, exaltei um escolhido.

[20] Encontrei Davi, meu servo; com o meu santo óleo o ungi.

[21] A minha mão será firme com ele, o meu braço o fortalecerá.

[22] O inimigo jamais o surpreenderá, nem o há de afligir o filho da perversidade.

[23] Esmagarei diante dele os seus adversários e ferirei os que o odeiam.

[24] A minha fidelidade e a minha bondade o hão de acompanhar, e em meu nome crescerá o seu poder.

[25] Porei a sua mão sobre o mar e a sua direita, sobre os rios.

[26] Ele me invocará, dizendo: Tu és meu pai, meu Deus e a rocha da minha salvação.

[27] Fá-lo-ei, por isso, meu primogênito, o mais elevado entre os reis da terra.

[28] Conservar-lhe-ei para sempre a minha graça e, firme com ele, a minha aliança.

[29] Farei durar para sempre a sua descendência; e, o seu trono, como os dias do céu.

[30] Se os seus filhos desprezarem a minha lei e não andarem nos meus juízos,

[31] se violarem os meus preceitos e não guardarem os meus mandamentos,

[20] Labhair tú tráth i bhfís á rá le do chairde naofa "Thug mé cabhair do ghaiscíoch; d'ardaigh mé fear tofa den phobal.

[21] Fuair mé Dáiví, mo ghiolla; rinne mé a ungadh le m'ola naofa

[22] d'fhonn go mbeadh mo lámh leis de shíor; agus go mbeadh mo chuisle ag neartú leis.

[23] Ní mheallfaidh an namhaid go brách é, ná ní dhéanfaidh an t-urchóideach foréigean air,

[24] ach treascróidh mé a naimhde ina láthair; agus buailfidh mé lucht a fhuatha.

[25] Beidh mo dhílse agus mo chineáltas ina fhochair; agus is i m'ainmse a ardófar a neart.

[26] Leathfaidh mé a lámh os cionn na mara agus a dheaslámh os cionn na n-aibhneacha.

[27] Glaofaidh sé orm: 'Is tú m'athair; is tú mo Dhia agus carraig mo shlánaithe.'

[28] Ceapfaidh mé ina chéadghin mic é; an té is airde i measc ríthe na cruinne.

[29] Coinneoidh mé mo chineáltas go deo dó; agus seasfaidh mo chonradh go daingean leis.

[30] Socróidh mé a shliocht go síoraí agus a ríchathaoir mar laethanta na bhflaitheas.

[31] Má thréigeann a chlann mhac mo dhlí, mura siúlann siad de réir mo phroiceaptaí,

[32] então, punirei com vara as suas transgressões e com açoites, a sua iniqüidade.

[33] Mas jamais retirarei dele a minha bondade, nem desmentirei a minha fidelidade.

[34] Não violarei a minha aliança, nem modificarei o que os meus lábios proferiram.

[35] Uma vez jurei por minha santidade (e serei eu falso a Davi?):

[36] A sua posteridade durará para sempre, e o seu trono, como o sol perante mim.

[37] Ele será estabelecido para sempre como a lua e fiel como a testemunha no espaço.

[38] Tu, porém, o repudiaste e o rejeitaste; e te indignaste com o teu ungido.

[39] Aborreceste a aliança com o teu servo; profanaste-lhe a coroa, arrojando-a para a terra.

[40] Arrasaste os seus muros todos; reduziste a ruínas as suas fortificações.

[41] Despojam-no todos os que passam pelo caminho; e os vizinhos o escarnecem.

[42] Exaltaste a destra dos seus adversários e deste regozijo a todos os seus inimigos.

[43] Também viraste o fio da sua espada e não o sustentaste na batalha.

[44] Fizeste cessar o seu esplendor e deitaste por terra o seu trono.

[45] Abreviaste os dias da sua mocidade e o cobriste de ignomínia.

[32] más amhlaidh a sháraíonn siad m'fhorálacha, nó más amhlaidh a bhriseann siad m'aitheanta,

[33] agróidh mé a gcion orthu leis an tslat; agus agróidh mé a gcoir orthu leis an lasc,

[34] ach ní bhainfidh mé mo bhuanghrá de go deo; ná ní rachaidh mé siar ar mo bhriathar.

[35] Ní bhrisfidh mé mo chor ná mo cheangal; ná ní bhréagnóidh mé briathar mo bhéil.

[36] Aon uair amháin a mhionnaigh mé; dar mo naofacht, nach ndéanfainn bréag le Dáiví.

[37] Mairfidh a shliocht go brách; beidh a chathaoir mar an ngrian i m'fhianaise;

[38] mairfidh sí go buan mar an ngealach, ina finné fíordhílis ar neamh.” ***(Selah)***

[39] Ach theilg tú uait le déistin is le corp feirge an té a d'ung tú féin.

[40] Bhris tú do chonradh le do ghiolla; agus thruailligh tú a choróin sa deannach.

[41] Leag tú a mhúrtha go léir; agus d'fhág tú a dhún ina fhothrach.

[42] Creachann a ngabhann an tslí é ionas go bhfuil sé ina chúis aithise dá chomharsana.

[43] D'ardaigh tú deaslámh a naimhde; chuir tú áthas ar a eascairde go léir.

[44] Mhaolaigh tú faobhar a chlaímh; is níor thug tú an bua dó sa chath.

[45] Chuir tú cosc lena ghlóir-réim; leag tú a ríchathaoir ar lár.

[46] Até quando, SENHOR? Esconder-te-ás para sempre? Arderá a tua ira como fogo?
[47] Lembra-te de como é breve a minha existência! Pois criarias em vão todos os filhos dos homens!
[48] Que homem há, que viva e não veja a morte? Ou que livre a sua alma das garras do sepulcro?
[49] Que é feito, SENHOR, das tuas benignidades de outrora, juradas a Davi por tua fidelidade?
[50] Lembra-te, SENHOR, do opróbrio dos teus servos e de como trago no peito a injúria de muitos povos,

[51] com que, SENHOR, os teus inimigos têm vilipendiado, sim, vilipendiado os passos do teu ungido.

[52] Bendito seja o SENHOR para sempre! Amém e amém!

Livro IV

Salmos 90 - 106

Salmo 90

A eternidade de Deus e a transitoriedade do homem

Oração de Moisés, homem de Deus

[1] SENHOR, tu tens sido o nosso refúgio, de geração em geração.

[2] Antes que os montes nascessem e se formassem a terra e o mundo, de eternidade a eternidade, tu és Deus.
[3] Tu reduzes o homem ao pó e dizes: Tornai, filhos dos homens.

[46] Ghiorraigh tú laethanta a óige; agus d'fhág tú faoi náire shaolta é.
[47] Cá fhad, a Thiarna, a bheidh tú i bhfolach - an go brách é? Cá fhad a bheidh do dhíbheirg ag bladhmadh mar thine?
[48] Cuimhnigh, a Thiarna, ar a ghiorracht atá mo shaol; an amhlaidh a chruthaigh tú an Ádhamchlann in aistear?
[49] Cé hé an duine beo nach bhfeicfidh an bás, nó cé a thabharfaidh a anam ó chumhacht na huaighe?
[50] Cá bhfuil do chomaoineacha cianaosta, a Thiarna a mhionnaigh tú do Dháiví dar brí do dhílseachta?
[51] Cuimhnigh, a Thiarna, ar an aithis a casadh le do sheirbhísigh; agus mar a iompraím i mo bhrollach maslaí uile na gciníocha -
[52] na maslaí lena maslaíonn do naimhde mé a Thiarna, lena dtugann siad tarcaisne do chomharba do ungthaigh. Moladh go deo leis an Tiarna; Amen agus Amen!

Salm 90

An Ceathrú Leabhar

Síoraíocht Dé agus Díomuaine an Duine

[1] *Achainí Mhaois, giolla Dé.* A Thiarna, is tú ba thearmann dúinn, ár ndídean ó ghlúin go glúin.

[2] Ó thosach sular saolaíodh na sléibhte, sular rugadh an talamh agus an chruinne, is tú Dia gan tús gan deireadh.
[3] Déanann tú deannach arís den duine á rá: “Ar ais libh, a Ádhamhchlann.”

[4] Pois mil anos, aos teus olhos, são como o dia de ontem que se foi e como a vigília da noite.

[5] Tu os arrastas na torrente, são como um sono, como a relva que floresce de madrugada;

[6] de madrugada, viceja e floresce; à tarde, murcha e seca.

[7] Pois somos consumidos pela tua ira e pelo teu furor, conturbados.

[8] Diante de ti puseste as nossas iniqüidades e, sob a luz do teu rosto, os nossos pecados ocultos.

[9] Pois todos os nossos dias se passam na tua ira; acabam-se os nossos anos como um breve pensamento.

[10] Os dias da nossa vida sobem a setenta anos ou, em havendo vigor, a oitenta; neste caso, o melhor deles é canseira e enfado, porque tudo passa rapidamente, e nós voamos.

[11] Quem conhece o poder da tua ira? E a tua cólera, segundo o temor que te é devido?

[12] Ensina-nos a contar os nossos dias, para que alcancemos coração sábio.

[13] Volta-te, SENHOR! Até quando? Tem compaixão dos teus servos.

[14] Sacia-nos de manhã com a tua benignidade, para que cantemos de júbilo e nos alegremos todos os nossos dias.

[15] Alegra-nos por tantos dias quantos nos tens afligido, por tantos anos quantos suportamos a adversidade.

[4]Óir níl míle bliain i d'fhianaise ach mar an lá a d'imigh tharainn inné, nó mar a bheadh faire na hoíche.

[5]Sciobann tú chun siúil iad amhail aisling, nó mar fhéar úrghlas na maidine.

[6]Eascraíonn sé ar maidin agus bláthaíonn sé baintear é agus feonn sé um thráthnóna.

[7]Táimid dár gcnaí go dearfa le d'fhearg; scanraítear sinn le dásacht do dhíbheirge.

[8]Chuir tú ár n-urchóidí os do choinne, ár bpeacaí folaithe faoi sholas do ghnúise.

[9]Gabhann ár laethanta tharainn is tú i bhfeirg linn; cuirtear deireadh lenár mblianta amhail osna.

[10]Seachtó bliain suim ár saolré; nó ceithre fichid má fhaighimid ár sláinte. Saothar agus stró a sealsan; imíonn siad ar luas agus bíonn deireadh linn.

[11]Cé a chuimhníonn ar chumhacht do chuid feirge; cé a mbíonn eagla air roimh neart do bhuile?

[12]Múin dúinn giorra shaoil an duine chun go bhfaighimid críonnacht inár gcroí.

[13]Fill orainn; cá fhad a bheidh tú feargach? Déan trócaire ar do shearbhóntaí, a Thiarna.

[14]Tabhair ár sáith de do bhuanghrá ar maidin dúinn, go mbeidh áthas orainn agus gairdeas go deo.

[15]Déan lúcháireach sinn i ndíol ar imir tú de bhuairt orainn; i ndíol na mblianta ina bhfacamar an t-olc.

[16] Aos teus servos apareçam as tuas obras, e a seus filhos, a tua glória.

[17] Seja sobre nós a graça do SENHOR, nosso Deus; confirma sobre nós as obras das nossas mãos, sim, confirma a obra das nossas mãos.

Salmo 91

Sob a sombra do Altíssimo

[1] O que habita no esconderijo do Altíssimo e descansa à sombra do Onipotente

[2] diz ao SENHOR: Meu refúgio e meu baluarte, Deus meu, em quem confio.

[3] Pois ele te livrará do laço do passarinheiro e da peste perniciosa.

[4] Cobrir-te-á com as suas penas, e, sob suas asas, estarás seguro; a sua verdade é pavês e escudo.

[5] Não te assustarás do terror noturno, nem da seta que voa de dia,

[6] nem da peste que se propaga nas trevas, nem da mortandade que assola ao meio-dia.

[7] Caiam mil ao teu lado, e dez mil, à tua direita; tu não serás atingido.

[8] Somente com os teus olhos contemplarás e verás o castigo dos ímpios.

[9] Pois disseste: O SENHOR é o meu refúgio. Fizeste do Altíssimo a tua morada.

[16]Taispeáin do bhearta do do sheirbhísigh; agus do chlú is do chumhacht do do chlann.

[17]Go dtaga grásta ár dTiarna Dia anuas orainn agus go soirbhí tú saothar ár lámh; sea, go soirbhí tú saothar ár lámh!

Salm 91

Faoi Scáth an Uilechumhachtaigh

[1]An té a chónaíonn i ndaingean an Té is Airde, a mhaireann faoi scáth an Uilechumhachtaigh,

[2]deir sé leis an Tiarna: “Mo dhídean is mo dhaingean tú; mo Dhia ina bhfuil mo dhóchas.”

[3]Saorfaidh seisean thú ar ghaiste an fhoghlaera, ós é atá [ar tí do mhillte].

[4]Déanfaidh sé díon duit lena eiteoga, agus rithfidh tú chuige faoina sciatháin.

[5]Ní eagal duit uamhan na hoíche, ná an tsaighead a scaoiltear sa lá,

[6]ná an phlá a thriallann sa dorchacht, ná an sciúirse a mhilleann um nóin

[7]Ar a shon go dtitfeadh míle le d'ais, agus deich míle ar do dheis, ní thiocfaidh sé i do ghaobhar ná i do ghaire, óir is sciath duit agus is lúireach a dhílse.

[8]Óir ní gá duit ach féachaint i do thimpeall, chun go bhfeice tú cúiteamh na bpeacach.

[9]Óir is tú a dúirt: “A Thiarna, mo dhídean tú!” agus a rinne caiseal den Neach is Airde.

[10] Nenhum mal te sucederá, praga nenhuma chegará à tua tenda.
[11] Porque aos seus anjos dará ordens a teu respeito, para que te guardem em todos os teus caminhos.
[12] Eles te sustentarão nas suas mãos, para não tropeçares nalguma pedra.
[13] Pisarás o leão e a áspide, calcarás aos pés o leãozinho e a serpente.
[14] Porque a mim se apegou com amor, eu o livrarei; pô-lo-ei a salvo, porque conhece o meu nome.
[15] Ele me invocará, e eu lhe responderei; na sua angústia eu estarei com ele, livrá-lo-ei e o glorificarei.
[16] Saciá-lo-ei com longevidade e lhe mostrarei a minha salvação.

[10]Ní thiocfaidh aon urchóid i d'aice, ná aon phlá i gcóngar do bhotha,
[11]Óir thug sé ordú dá aingil i do thaobh: tú a chosaint i do shlite go léir.
[12]Iompróidh siad thú lena lámha sula mbuailfeá do chos in aghaidh cloiche.
[13]Satlóidh tú ar an leon is ar an nathair; gabhfaidh tú de chosa sa leon óg is sa dragan.
[14]De bharr a dhilghrá dom déanfaidh mé a shaoradh, agus a dhíonadh toisc gur admhaigh sé m'ainm.
[15]Nuair a ghlaofaidh sé orm déarfaidh mé: “Táim i d'fhochair.” Déanfaidh mé é a shaoradh agus a onórú in am a bhuartha.
[16]Déanfaidh mé é a shásamh le fad saoil a thabhairt dó; agus déanfaidh mé mo shlánú a nochtadh dó.

Salmo 92

Hino de gratidão a Deus

Salmo. Cântico para o dia de sábado

[1] Bom é render graças ao SENHOR e cantar louvores ao teu nome, ó Altíssimo,
[2] anunciar de manhã a tua misericórdia e, durante as noites, a tua fidelidade,
[3] com instrumentos de dez cordas, com saltério e com a solenidade da harpa.
[4] Pois me alegraste, SENHOR, com os teus feitos; exultarei nas obras das tuas mãos.

Salm 92

An Ceart Diaga

[1]*Salm. Amhrán le haghaidh na Sabóide.*
[2] Is maith é buíochas a thabhairt don Tiarna, agus ceol a dhéanamh do d'ainm, a Neach is Airde,
[3] d'fhonn do bhuanghrá a fhógairt ar maidin, agus do dhílse i dtráthanna na hoíche,
[4] le ceol na cruite agus na cláirsí; mar aon le ceadal na lire.
[5] Óir chuir do ghníomhartha áthas orm, a Thiarna; déanaim gairdeas in oibreacha do lámh.

[5] Quão grandes, SENHOR, são as tuas obras! Os teus pensamentos, que profundos!

[6] O inepto não compreende, e o estulto não percebe isto:

[7] ainda que os ímpios brotam como a erva, e florescem todos os que praticam a iniqüidade, nada obstante, serão destruídos para sempre;

[8] tu, porém, SENHOR, és o Altíssimo eternamente.

[9] Eis que os teus inimigos, SENHOR, eis que os teus inimigos perecerão; serão dispersos todos os que praticam a iniqüidade.

[10] Porém tu exaltas o meu poder como o do boi selvagem; derramas sobre mim o óleo fresco.

[11] Os meus olhos vêem com alegria os inimigos que me espreitam, e os meus ouvidos se satisfazem em ouvir dos malfeitores que contra mim se levantam.

[12] O justo florescerá como a palmeira, crescerá como o cedro no Líbano.

[13] Plantados na Casa do SENHOR, florescerão nos átrios do nosso Deus.

[14] Na velhice darão ainda frutos, serão cheios de seiva e de verdor,

[15] para anunciar que o SENHOR é reto. Ele é a minha rocha, e nele não há injustiça.

Salmo 93

[6] Nach éachtach iad d'oibreacha, a Thiarna! nach domhain iad go dearfa do smaointe!

[7] Ní aithníonn fear na díchéille, ná ní thuigeann an t-amadán an ní seo.

[8] Cé go n-eascraíonn na héagráifigh mar fhéar, agus go mbíonn na hainbheartaigh faoi bhláth,

[9] níl i ndán dóibh ach léirscrios go brách; ach is tusa, a Thiarna, an Neach is Airde de shíor.

[10] Óir scriosfar do naimhde, sea do naimhde, a Thiarna, agus scaipfear na hurchóidigh go léir.

[11] Thug tú dom neart an daimh allta, agus dhoirt tú ola úr orm anuas.

[12] D'fhéach mo shúile go buach ar mo naimhde; chuala mo chluasa dea-scéala a dtreascartha.

[13] Beidh na fíréin faoi bhláth mar chrann pailme; fásfaidh siad mar chéadras na Liobáine.

[14] Arna bplandú in áras an Tiarna dóibh, beidh siad faoi mhaise i gcúirteanna Dé.

[15] Tabharfaidh siad toradh uathu fiú amháin nuair is críon dóibh, agus iad go húrghlas i gcónaí,

[16] a fhoilsiú a fhíréanta is atá an Tiarna; mo charraig é, gan mí-ionracas ar bith ann.

Salm 93

O poder e a majestade de Deus

1 Reina o SENHOR. Revestiu-se de majestade; de poder se revestiu o SENHOR e se cingiu. Firmou o mundo, que não vacila.

2 Desde a antiguidade, está firme o teu trono; tu és desde a eternidade.

3 Levantam os rios, ó SENHOR, levantam os rios o seu bramido; levantam os rios o seu fragor.

4 Mas o SENHOR nas alturas é mais poderoso do que o bramido das grandes águas, do que os poderosos vagalhões do mar.

5 Fidelíssimos são os teus testemunhos; à tua casa convém a santidade, SENHOR, para todo o sempre.

Tá an Tiarna i Réim

1Tá an Tiarna ina rí is é gléasta le glóir; chlúdaigh sé é féin le neart; chrioslaigh sé é féin le cumhacht. Bhunaigh sé an domhan go dobhogtha.

2Tá do chathaoir arna daingniú ó na cianta; tá tú ann ón tsíoraíocht, a Thiarna.

3Thóg na tuilte a nglór, a Thiarna; thóg na tuilte a nglór go torannach; thógadar a nglór go tolgach tréan.

4Is cumhachtaí ná glór na n-iluiscí, ná tonnta na mara móire, an Tiarna os a gcionn in airde.

5Is dearfa go deimhin do reachtanna; is do do theachsa is cuí an naofacht, a Thiarna, go brách na breithe.

Salmo 94

Apelo para a justiça de Deus

1 Ó SENHOR, Deus das vinganças, ó Deus das vinganças, resplandece.

2 Exalta-te, ó juiz da terra; dá o pago aos soberbos.

3 Até quando, SENHOR, os perversos, até quando exultarão os perversos?

4 Proferem impiedades e falam coisas duras; vangloriam-se os que praticam a iniqüidade.

5 Esmagam o teu povo, SENHOR, e oprimem a tua herança.

6 Matam a viúva e o estrangeiro e aos órfãos assassinam.

Salm 94

Dia an Díolaí

1A Thiarna Dia, is leatsa an díoltas; a Dhia, a dhíoltasaí, bí do do thaispeáint féin dúinn.

2Éirigh! tabhair breithiúnas ar an talamh; tabhair a ndíol do lucht an díomais.

3Cá fhad a mhaífidh na héagráifigh, a Thiarna; cá fhad a mhaífidh siad a mbua?

4Ag gaotaireacht dóibh is ag labhairt go díomasach, bíonn na hainbheartaigh ag maíomh go mórtasach.

5Gabhann siad de chosa i do phobal, a Thiarna, agus déanann siad d'oidhreacht a chiapadh.

6Maraíonn siad an bhaintreach is an strainséir, agus tugann siad ár an dílleachta.

[7] E dizem: O SENHOR não o vê; nem disso faz caso o Deus de Jacó.

[8] Atendei, ó estúpidos dentre o povo; e vós, insensatos, quando sereis prudentes?

[9] O que fez o ouvido, acaso, não ouvirá? E o que formou os olhos será que não enxerga?

[10] Porventura, quem repreende as nações não há de punir? Aquele que aos homens dá conhecimento não tem sabedoria?

[11] O SENHOR conhece os pensamentos do homem, que são pensamentos vãos.

[12] Bem-aventurado o homem, SENHOR, a quem tu repreendes, a quem ensinas a tua lei,

[13] para lhe dares descanso dos dias maus, até que se abra a cova para o ímpio.

[14] Pois o SENHOR não há de rejeitar o seu povo, nem desamparar a sua herança.

[15] Mas o juízo se converterá em justiça, e segui-la-ão todos os de coração reto.

[16] Quem se levantará a meu favor, contra os perversos? Quem estará comigo contra os que praticam a iniqüidade?

[17] Se não fora o auxílio do SENHOR, já a minha alma estaria na região do silêncio.

[18] Quando eu digo: resvala-me o pé, a tua benignidade, SENHOR, me sustém.

[7]Agus deir siad: “Ní fheiceann an Tiarna é; ní thugann Dia Iacóib dá aire é.”

[8]Bíodh tuiscint agaibh, a lucht na díchéille; a phleidhcí an phobail, bíodh ciall agaibh!

[9]An té a chruthaigh an chluas, an ea nach gcluinfidh sé? agus an té a chum an tsúil, an ea nach bhfeicfidh sé?

[10]An té a smachtaíonn na náisiúin nach n-agróidh sé? an té a theagascann na daoine, nach mbeidh eolas aige?

[11]Is eol don Tiarna smaointe an duine; is eol dó nach bhfuil iontu ach puth anála.

[12]Is méanar don té a gcuireann tú smacht air, a Thiarna; an té dá dtugann tú teagasc faoi do dhlí.

[13]Tugann tú faoiseamh dó in aimsir a thrioblóide, nó go dtochlaítear clais don urchóideach.

[14]Óir ní thréigfidh an Tiarna a phobal; ní thabharfaidh sé droim láimhe lena oidhreacht,

[15]nó go mbéarfar breithiúnas de réir an chirt; agus go leanfaidh lucht an chroí dhírigh go léir é.

[16]Cé sheasfaidh liom in aghaidh na n-ainbheartach do mo chosaint ar lucht déanta an oilc?

[17]Murach an Tiarna a theacht i gcabhair orm, ní fada go mbeadh m'anam ag lonnú i log an chiúnais.

[18]Nuair a shílim go bhfuil mo chosa ag imeacht uaim, is é do bhuanghrá, a Thiarna, a choinníonn i mo sheasamh mé.

[19] Nos muitos cuidados que dentro de mim se multiplicam, as tuas consolações me alegram a alma.
[20] Pode, acaso, associar-se contigo o trono da iniqüidade, o qual forja o mal, tendo uma lei por pretexto?

[21] Ajuntam-se contra a vida do justo e condenam o sangue inocente.

[22] Mas o SENHOR é o meu baluarte e o meu Deus, o rochedo em que me abrigo.
[23] Sobre eles faz recair a sua iniqüidade e pela malícia deles próprios os destruirá; o SENHOR, nosso Deus, os exterminará.

Salmo 95

Convite a louvar o Senhor

[1] Vinde, cantemos ao SENHOR, com júbilo, celebremos o Rochedo da nossa salvação.

[2] Saiamos ao seu encontro, com ações de graças, vitoriemo-lo com salmos.

[3] Porque o SENHOR é o Deus supremo e o grande Rei acima de todos os deuses.
[4] Nas suas mãos estão as profundezas da terra, e as alturas dos montes lhe pertencem.

[5] Dele é o mar, pois ele o fez; obra de suas mãos, os continentes.

[6] Vinde, adoremos e prostremo-nos; ajoelhemos diante do SENHOR, que nos criou.

[19]Nuair is líonmhar iad buarthaí mo chroí, cuireann do shóláis aoibhneas ar m'anam.

[20]An mbeidh cúirt na gcoirpeach i gcomhar leat, an dream a chuireann clóca an dlí ar an mioscais?
[21]Tugann siad fogha faoi anam an fhíréin, agus daorann siad an neamhchiontach chun báis.
[22]Bíodh acu! sé an Tiarna mo dhaingean agus sé Dia carraig mo dhídine.
[23]Tabharfaidh sé a n-urchóid sa mhullach orthu, agus scriosfaidh iad lena mailís féin; millfidh an Tiarna ár nDia iad.

Salm 95

Gairdimis do Dhia

[1]Téanam agus canaimis don Tiarna; déanaimis gairdeas do charraig ár slánaithe.
[2]Druidimis ina láthair le haltú buíochais; déanaimis pléaráca do le hamhráin mholta.
[3]Óir is Dia mór é go dearfa an Tiarna; is rí mór é os cionn na ndéithe go léir.
[4]Is ina lámha atá duibheagáin na cruinne, agus is leis mar an gcéanna na hardsléibhte.
[5]Is leis an fharraige, óir is é a chruthaigh í; agus is iad a lámha a dhealbhaigh an talamh tirim.
[6]Téanam, go n-adharfaimis agus go sléachtfaimis; feacam ár nglúine i láthair an Tiarna a chruthaigh sinn.

[7] Ele é o nosso Deus, e nós, povo do seu pasto e ovelhas de sua mão. Hoje, se ouvirdes a sua voz,

[8] não endureçais o coração, como em Meribá, como no dia de Massá, no deserto,

[9] quando vossos pais me tentaram, pondo-me à prova, não obstante terem visto as minhas obras.

[10] Durante quarenta anos, estive desgostado com essa geração e disse: é povo de coração transviado, não conhece os meus caminhos.

[11] Por isso, jurei na minha ira: não entrarão no meu descanso.

Salmo 96

Tributo à glória e majestade de Deus

1 Crônicas 16.23-33

[1] Cantai ao SENHOR um cântico novo, cantai ao SENHOR, todas as terras.

[2] Cantai ao SENHOR, bendizei o seu nome; proclamai a sua salvação, dia após dia.

[3] Anunciai entre as nações a sua glória, entre todos os povos, as suas maravilhas.

[4] Porque grande é o SENHOR e mui digno de ser louvado, temível mais que todos os deuses.

[5] Porque todos os deuses dos povos não passam de ídolos; o SENHOR, porém, fez os céus.

[6] Glória e majestade estão diante dele, força e formosura, no seu santuário.

[7]Óir is é ár nDia é, agus is sinne pobal a pháirce agus caoirigh a láimhe.

[8]Á, dá n-eistfeadh sibh inniu lena ghlór: “Ná cruaigí bhur gcroí mar a tharla i Miríbeá, nó an lá úd ag Masá san fhásach

[9]mar a ndearna bhur n-aithreacha mo phromhadh, do mo thriail cé go bhfacadar mo bhearta.

[10]Ar feadh daichead bliain ba ghráin liom an ghlúin sin agus dúirt mé: ‘Is seachránach a gcroí siúd; is pobal iad nach eol dóibh mo shlite.’

[11]Ar an ábhar sin mhionnaigh mé i m'fhearg nach rachaidís i mo shuaimhneas isteach go brách.”

Salm 96

Amhrán Nua do Rí na Cruinne

[1]Canaigí amhrán úr don Tiarna; canaigí don Tiarna, a thíortha go léir.

[2]Canaigí don Tiarna agus molaigí a ainm; fógraígí a shlánú ó lá go lá.

[3]Insígí a ghlóir i measc na gciníocha; agus a éachtaí i measc na náisiún.

[4]Is mór é an Tiarna; is díol molta é; is díol eagla thar na déithe go léir é.

[5]Ní dada iad déithe na gciníocha; ach is é an Tiarna a rinne na flaithis.

[6]Is leis an ghlóir agus an gradam; tá cumhacht agus taibhse ina shanctóir.

[7] Tributai ao SENHOR, ó famílias dos povos, tributai ao SENHOR glória e força.

[8] Tributai ao SENHOR a glória devida ao seu nome; trazei oferendas e entrai nos seus átrios.

[9] Adorai o SENHOR na beleza da sua santidade; tremei diante dele, todas as terras.

[10] Dizei entre as nações: Reina o SENHOR. Ele firmou o mundo para que não se abale e julga os povos com eqüidade.

[11] Alegrem-se os céus, e a terra exulte; ruja o mar e a sua plenitude.

[12] Folgue o campo e tudo o que nele há; regozijem-se todas as árvores do bosque,

[13] na presença do SENHOR, porque vem, vem julgar a terra; julgará o mundo com justiça e os povos, consoante a sua fidelidade.

Salmo 97

A majestade e o domínio de Deus

[1] Reina o SENHOR. Regozije-se a terra, alegrem-se as muitas ilhas.

[2] Nuvens e escuridão o rodeiam, justiça e juízo são a base do seu trono.

[3] Adiante dele vai um fogo que lhe consome os inimigos em redor.

[4] Os seus relâmpagos alumiam o mundo; a terra os vê e estremece.

[5] Derretem-se como cera os montes, na presença do SENHOR, na presença do SENHOR de toda a terra.

[7]Tugaigí don Tiarna, a chlanna na gciníocha; tugaigí don Tiarna glóir agus cumhacht,

[8]tugaigí don Tiarna an ghlóir is dual dá ainm; tugaigí bhur dtabhartais libh isteach ina chúirteanna.

[9]Tugaigí adhradh don Tiarna in éide naofa; bí ar crith ina láthair a dhomhan uile.

[10]Fógraígí do na ciníocha: “Tá an Tiarna ina Rí,” shocraigh sé an domhan go daingean dochorraithe; tabharfaidh sé breith chóir chothrom ar na náisiúin.

[11]Bíodh áthas ar neamh agus ar talamh; tugadh an mhuir agus a bhfuil inti a nglór.

[12]Bíodh lúcháir ar an machaire agus a bhfuil ann; tógadh crainn uile na coille gártha áthais

[13]i bhfianaise an Tiarna atá ag teacht; atá ag teacht a rialú na cruinne. Rialóidh sé an domhan go cothrom, agus tabharfaidh sé fíorbhreith ar na daoine.

Salm 97

Rí an Domhain: Breitheamh Cóir

[1]Is é an Tiarna is rí, gairdíodh an talamh; bíodh lúcháir ar na hinsí go léir.

[2]Tá néalta agus dorchacht ina thimpeall; ceart agus cóir is bonn lena ríchathaoir.

[3]Gabhann tine roimhe amach ar a shlí dó, agus í ag loscadh a naimhde de gach leith.

[4]Soilsíonn a splancacha an chruinne; creathnaíonn an talamh ar a fheiceáil.

[5]Tagann leá ar na sléibhte ar nós céarach i bhfianaise Thiarna na cruinne.

[6] Os céus anunciam a sua justiça, e todos os povos vêem a sua glória.
[7] Sejam confundidos todos os que servem a imagens de escultura, os que se gloriam de ídolos; prostrem-se diante dele todos os deuses.
[8] Sião ouve e se alegra, as filhas de Judá se regozijam, por causa da tua justiça, ó SENHOR.
[9] Pois tu, SENHOR, és o Altíssimo sobre toda a terra; tu és sobremodo elevado acima de todos os deuses.

[10] Vós que amais o SENHOR, detestai o mal; ele guarda a alma dos seus santos, livra-os da mão dos ímpios.

[11] A luz difunde-se para o justo, e a alegria, para os retos de coração.
[12] Alegrai-vos no SENHOR, ó justos, e dai louvores ao seu santo nome.

Salmo 98

A justiça do Senhor
Salmo

[1] Cantai ao SENHOR um cântico novo, porque ele tem feito maravilhas; a sua destra e o seu braço santo lhe alcançaram a vitória.
[2] O SENHOR fez notória a sua salvação; manifestou a sua justiça perante os olhos das nações.
[3] Lembrou-se da sua misericórdia e da sua fidelidade para com a casa de Israel; todos os confins da terra viram a salvação do nosso Deus.

[6]Fógraíonn na flaithis a fhíréantacht; feiceann na náisiúin go léir a ghlóir.
[7]Go raibh náire ar lucht adhartha na n-íomhánna, a bhíonn ag maíomh as a n-íola gan tairbhe; umhlaíodh na déithe go léir ina fhianaise.
[8]Cloiseann Síón agus líonann sí d'áthas, agus tá lúcháir ar chathracha Iúdá as ucht do bhreithiúnas, a Thiarna.
[9]Óir is tú an Tiarna go dearfa in ardréim os cionn na cruinne, agus os cionn na ndéithe go léir.
[10]Gránn an Tiarna an dream ar gráin leo an t-olc; déanann sé anamacha a naomh a chosaint, á bhfuascailt ó láimh na n-éagráifeach.
[11]Tá solas á nochtadh don fhíréan, agus lúcháir do lucht an chroí dhírigh.
[12]Déanaigí gairdeas sa Tiarna, a fhíréana; agus tugaigí buíochas dá ainm naofa.

Salm 98

Tiarna Buach agus Breitheamh Cóir

[1]*Salm.* Canaigí amhrán úr don Tiarna, óir rinne sé éachtaí. Le neart a dheasláimhe is a chuisle naofa, rug sé bua dó féin.

[2]D'fhoilsigh an Tiarna a shlánú; nocht sé a fhíréantacht do na náisiúin.

[3]Chuimhnigh sé ar a bhuanghrá agus a dhílse do theaghlach Iosrael. Chonaic críocha uile na cruinne slánú ár nDé.

4 Celebrai com júbilo ao SENHOR, todos os confins da terra; aclamai, regozijai-vos e cantai louvores.
5 Cantai com harpa louvores ao SENHOR, com harpa e voz de canto;
6 com trombetas e ao som de buzinas, exultai perante o SENHOR, que é rei.
7 Ruja o mar e a sua plenitude, o mundo e os que nele habitam.
8 Os rios batam palmas, e juntos cantem de júbilo os montes,

9 na presença do SENHOR, porque ele vem julgar a terra; julgará o mundo com justiça e os povos, com eqüidade.

4Gairdigí sa Tiarna a thíortha uile, agus nochtaigí bhur n-áthas dó.

5Canaigí Salm don Tiarna leis an gcruit agus le fuaim na cláirsí.
6Tógaigí gártha le fuaim stoic agus adhairce don Tiarna, ár Rí.
7Bíodh an mhuir agus a bhfuil inti ag búiríl, an domhan agus a maireann ann.
8Bíodh na haibhneacha ag bualadh a mbos; déanadh na sléibhte sult,
9i bhfianaise an Tiarna atá ag teacht a rialú na cruinne. Déanfaidh sé an domhan a rialú go cóir, agus na ciníocha go cothrom.

Salmo 99

A santidade de Deus

1 Reina o SENHOR; tremam os povos. Ele está entronizado acima dos querubins; abale-se a terra.
2 O SENHOR é grande em Sião e sobremodo elevado acima de todos os povos.

3 Celebrem eles o teu nome grande e tremendo, porque é santo.

4 És rei poderoso que ama a justiça; tu firmas a eqüidade, executas o juízo e a justiça em Jacó.

5 Exaltai ao SENHOR, nosso Deus, e prostrai-vos ante o escabelo de seus pés, porque ele é santo.
6 Moisés e Arão, entre os seus sacerdotes, e, Samuel, entre os que lhe invocam o

Salm 99

Is Naofa é an Tiarna ár nDia

1Tá an Tiarna ina rí, tá na ciníocha ar crith; tá sé ina shuí ar na ceiribíní, creathnaíonn an talamh.

2Is mór é an Tiarna i Síón; tá sé i réim os cionn na gciníocha uile.

3Tugaidís moladh dá ainm óir is éachtach é agus is uamhnach; is naofa é agus [lán de chumhacht].
4Is tú an Rí a thugann grá don fhíréantacht. Bhunaigh tú cothromas agus ceart agus cóir; agus chuir tú i bhfeidhm iad in Iacób.
5Móraigí an Tiarna, ár nDia; umhlaígí i láthair a stóil choise; de bhrí gur naofa é an Tiarna.
6Bhí Maois agus Árón ar líon a shagart. Bhí Samúéil orthu siúd a ghaireadh ar a ainm.

nome, clamavam ao SENHOR, e ele os ouvia.

7 Falava-lhes na coluna de nuvem; eles guardavam os seus mandamentos e a lei que lhes tinha dado.

8 Tu lhes respondeste, ó SENHOR, nosso Deus; foste para eles Deus perdoador, ainda que tomando vingança dos seus feitos.

9 Exaltai ao SENHOR, nosso Deus, e prostrai-vos ante o seu santo monte, porque santo é o SENHOR, nosso Deus.

Salmo 100

Hino de ingresso ao templo

Salmo de ações de graças

1 Celebrai com júbilo ao SENHOR, todas as terras.

2 Servi ao SENHOR com alegria, apresentai-vos diante dele com cântico.

3 Sabei que o SENHOR é Deus; foi ele quem nos fez, e dele somos; somos o seu povo e rebanho do seu pastoreio.

4 Entrai por suas portas com ações de graças e nos seus átrios, com hinos de louvor; rendei-lhe graças e bendizei-lhe o nome.

5 Porque o SENHOR é bom, a sua misericórdia dura para sempre, e, de geração em geração, a sua fidelidade.

Salmo 101

Modelo de bom rei

Salmo de Davi

1 Cantarei a bondade e a justiça; a ti, SENHOR, cantarei.

Ghairidís ar an Tiarna agus d'éisteadh sé leo.

7Is leo a labhair sé as colún an néil. Rinneadar a thoil agus choinníodar a dhlí, na haitheanta a thug sé dóibh.

8Thug tú freagra orthu, a Thiarna, ár nDia, agus bhí tú i do Dhia so-mhaitheach dóibh, cé go ndearna tú a bpeacaí a agairt orthu.

9Móraigí an Tiarna, ár nDia, agus umhlaígí ar a Shliabh Naofa; óir is naofa é an Tiarna, ár nDia.

Salm 100

Gairdígí don Tiarna

1*Salm buíochais.* Gairdígí don Tiarna, a thíortha uile;

2fónaigí don Tiarna go lúcháireach. Tagaigí ina láthair le hamhráin áthais.

3Bíodh a fhios agaibh gurb é an Tiarna is Dia ann. Eisean a rinne sinn; is leis féin sinn. Sinne a phobal agus caoirigh a pháirce.

4Gabhaigí buíochas leis ag dul isteach ina dhoirse daoibh. Siúlaigí isteach ina chúirteanna le cainticí. Tugaigí moladh dó agus móraigí a ainm.

5Nach maith é go deimhin an Tiarna; maireann a bhuanghrá go brách. Is dílis é ó ghlúin go chéile.

Salm 101

An Rí Fíréanta

1*Salm [le] Dáiví.* Canfaidh mé faoi dhílse agus fíréantacht duitse, a Thiarna.

[2] Atentarei sabiamente ao caminho da perfeição. Oh! Quando virás ter comigo? Portas a dentro, em minha casa, terei coração sincero.

[2]Gabhfaidh mé sa tslí gan mháchail; cathain a thiocfaidh tú? Siúlfaidh mé le croí gan cháim i lár mo thí.

[3] Não porei coisa injusta diante dos meus olhos; aborreço o proceder dos que se desviam; nada disto se me pegará.

[3]Ní chuirfidh mé os comhair mo shúl aon ní suarach. Is gráin liom slí na n-urchóideach; ní bheidh páirt agam leo.

[4] Longe de mim o coração perverso; não quero conhecer o mal.

[4]Beidh an croí calaoiseach i bhfad uaim; ní aithneoidh mé an t-olc.

[5] Ao que às ocultas calunia o próximo, a esse destruirei; o que tem olhar altivo e coração soberbo, não o suportarei.

[5]Fear clúmhillte a chomharsan os íseal, millfidh mé an té sin. Fear na mórchúise agus na mórála, ní fhéadaim cur suas leis.

[6] Os meus olhos procurarão os fiéis da terra, para que habitem comigo; o que anda em reto caminho, esse me servirá.

[6]Beidh súil agam le fíréin na tíre a bheith in aontíos liom. An té a shiúlann sa tslí gan máchail, is é a dhéanfaidh fónamh dom.

[7] Não há de ficar em minha casa o que usa de fraude; o que profere mentiras não permanecerá ante os meus olhos.

[7]Ní dhéanfaidh fear na ceilge choíche cónaí i mo theachsa. Ní mó ná sin a ligfidh mé don bhréagaire fanacht in éineacht liom.

[8] Manhã após manhã, destruirei todos os ímpios da terra, para limpar a cidade do SENHOR dos que praticam a iniqüidade.

[8]Scriosfaidh mé maidin ar mhaidin peacaigh na tíre; agus dítheoidh mé as cathair an Tiarna lucht déanta an oilc.

Salmo 102

Arrependimento e esperança

Oração do aflito que, desfalecido, derrama o seu queixume perante o Senhor

[1] Ouve, SENHOR, a minha súplica, e cheguem a ti os meus clamores.

[2] Não me ocultes o rosto no dia da minha angústia; inclina-me os ouvidos; no dia em que eu clamar, dá-te pressa em acudir-me.

Salm 102

Urnaí an Deoraí

[1]*Urnaí an ainniseora an uair a dhoirteann sé a bhrón agus a bhuairt amach i bhfianaise an Tiarna agus é go tuirseach tnáite.*

[2] A Thiarna, éist le mo ghuí; agus go dtaga mo ghlór ag triall ort.

[3] Ná folaigh do ghnúis orm, a Thiarna, an uair a bhím do mo bhuaireamh. Claon chugam do chluas nuair a ghlaoim ort; éist liom go luath agus freagair mé.

[3] Porque os meus dias, como fumaça, se desvanecem, e os meus ossos ardem como em fornalha.

[4] Ferido como a erva, secou-se o meu coração; até me esqueço de comer o meu pão.

[5] Os meus ossos já se apegam à pele, por causa do meu dolorido gemer.

[6] Sou como o pelicano no deserto, como a coruja das ruínas.

[7] Não durmo e sou como o passarinho solitário nos telhados.

[8] Os meus inimigos me insultam a toda hora; furiosos contra mim, praguejam com o meu próprio nome.

[9] Por pão tenho comido cinza e misturado com lágrimas a minha bebida,

[10] por causa da tua indignação e da tua ira, porque me elevaste e depois me abateste.

[11] Como a sombra que declina, assim os meus dias, e eu me vou secando como a relva.

[12] Tu, porém, SENHOR, permaneces para sempre, e a memória do teu nome, de geração em geração.

[13] Levantar-te-ás e terás piedade de Sião; é tempo de te compadeceres dela, e já é vinda a sua hora;

[14] porque os teus servos amam até as pedras de Sião e se condoem do seu pó.

[4] Óir tá mo laethanta ag leá amhail deatach; tá mo chnámha ar loscadh amhail tine.

[5] Tá mo chroí arna chríonadh mar fhéar; rinne mé dearmad ar mo bhia a ithe.

[6] Bím ag caí agus ag gol go fuíoch; bíonn mo chnámha ag greamú do mo chraiceann.

[7] Is cosúil mé le peileacán san fhásach, le hulchabhán i measc na bhfothracha.

[8] Bím gan chodladh agus mé ag caoineadh, mar éan ar dhíon tí ina aonar.

[9] Bíonn m'eascairde do mo mhaslú de shíor; agus bíonn m'ainm ina eascaine ag mo naimhde.

[10] Óir ithim luaithreach mar a ithim arán; agus meascaim mo dheoch le deora,

[11] de dheasca do dhíbheirge agus do dheargbhuile, óir thóg tú mé agus theilg tú uait arís mé.

[12] Is cosúil mo laethanta le scáil a chuaigh chun síneadh; tá mé ag críonadh ar nos an fhéir.

[13] Maireann tú, a Thiarna, go brách na breithe; maireann d'ainm ó ghlúin go glúin.

[14] Éireoidh tú agus déanfaidh tú trócaire ar Shíón, óir is mithid duit trua a dhéanamh di, toisc gur tháinig a hionú isteach.

[15] Óir tugann do sheirbhísigh taitneamh dá clocha; agus is trua leo fiú amháin a fothracha.

[15] Todas as nações temerão o nome do SENHOR, e todos os reis da terra, a sua glória;

[16] porque o SENHOR edificou a Sião, apareceu na sua glória,

[17] atendeu à oração do desamparado e não lhe desdenhou as preces.

[18] Ficará isto registrado para a geração futura, e um povo, que há de ser criado, louvará ao SENHOR;

[19] que o SENHOR, do alto do seu santuário, desde os céus, baixou vistas à terra,

[20] para ouvir o gemido dos cativos e libertar os condenados à morte,

[21] a fim de que seja anunciado em Sião o nome do SENHOR e o seu louvor, em Jerusalém,

[22] quando se reunirem os povos e os reinos, para servirem ao SENHOR.

[23] Ele me abateu a força no caminho e me abreviou os dias.

[24] Dizia eu: Deus meu, não me leves na metade de minha vida; tu, cujos anos se estendem por todas as gerações.

[25] Em tempos remotos, lançaste os fundamentos da terra; e os céus são obra das tuas mãos.

[26] Eles perecerão, mas tu permaneces; todos eles envelhecerão como uma veste, como roupa os mudarás, e serão mudados.

[16] Beidh eagla ar na ciníocha roimh d'ainm, a Thiarna; agus ar ríthe uile an domhain roimh do ghlóir.

[17] Nuair a athnuafaidh an Tiarna Síón, nuair a thaispeánfaidh sé a ghlóir,

[18] claonfaidh sé ansin chun urnaithe na ndealbh; agus ní eiteoidh sé a n-achainíocha chuige.

[19] Scríobhtar an ní seo le haghaidh na glúine atá le teacht; moladh pobal nár rugadh fós an Tiarna.

[20] “D'fhéach an Tiarna anuas óna shanctóir in airde; bhreathnaigh sé ó neamh ar an talamh.

[21] i dtreo go gcluinfeadh sé osnaí na mbraighdeanach; agus go saorfadh sé a ndaoradh chun báis” -

[22] D'fhonn ainm an Tiarna a fhógairt i Síón, agus a mholadh i gceartlár Iarúsailéim,

[23] nuair a chruinneofar na ciníocha agus na ríochtaí le chéile; chun go ndéana siad fónamh don Tiarna.

[24] D'ídigh sé mo neart sa tslí; rinne sé mo laethanta a ghiorrú.

[25] Deirim: “A Dhia liom, ná tóg mé chun siúil, ná sciob mé leat i lár mo laethanta, ós tú a mhaireann go brách na breithe.”

[26] Bhunaigh tú an talamh ar dtús; is iad na flaithis saothar do lámh.

[27] Rachaidh siadsan ar ceal ach mairfidh tusa; rachaidh siad uile in aois mar bhall éadaigh. Malartaíonn tú iad ar nós éadaigh agus athraítear iad;

[27] Tu, porém, és sempre o mesmo, e os teus anos jamais terão fim.
[28] Os filhos dos teus servos habitarão seguros, e diante de ti se estabelecerá a sua descendência.

Salmo 103

A misericórdia de Deus
Salmo de Davi

[1] Bendize, ó minha alma, ao SENHOR, e tudo o que há em mim bendiga ao seu santo nome.
[2] Bendize, ó minha alma, ao SENHOR, e não te esqueças de nem um só de seus benefícios.
[3] Ele é quem perdoa todas as tuas iniqüidades; quem sara todas as tuas enfermidades;
[4] quem da cova redime a tua vida e te coroa de graça e misericórdia;
[5] quem farta de bens a tua velhice, de sorte que a tua mocidade se renova como a da águia.
[6] O SENHOR faz justiça e julga a todos os oprimidos.
[7] Manifestou os seus caminhos a Moisés e os seus feitos aos filhos de Israel.
[8] O SENHOR é misericordioso e compassivo; longânimo e assaz benigno.
[9] Não repreende perpetuamente, nem conserva para sempre a sua ira.
[10] Não nos trata segundo os nossos pecados, nem nos retribui consoante as nossas iniqüidades.

[28] ach bíonn tusa gan claochlú gan críoch le do laethanta.
[29] Mairfidh clann do sheirbhíseach go buan; agus beidh a sliocht i do láthair go brách.

Salm 103

rócaire an Tiarna

[1] *[Salm le] Dáiví.* Beannaigh an Tiarna, a anam liom; go mbeannaí a bhfuil ionam a ainm naofa.
[2] Beannaigh an Tiarna, a anam liom; ná tabhair i ndíchuimhne a thíolacthaí uile.
[3] Maitheann sé do chionta go léir duit; agus leigheasann sé d'easláintí uile.
[4] Fuasclaíonn sé d'anam ón uaigh; corónaíonn sé le buanghrá is le trua thú.
[5] Líonann sé do shaol le nithe fónta; déantar d'óige a athnuachan mar a bheadh iolar.
[6] Cuireann an Tiarna an fhíréantacht i bhfeidhm; tugann sé ceart dá mbíonn faoi dhaorsmacht.
[7] Chuir sé a shlite in iúl do Mhaois; agus a ghníomhartha in iúl do chlann Iosrael.
[8] Is grámhar trócaireach é an Tiarna, foighneach agus lán de cheansacht.
[9] Ní i gcónaí a bheidh sé ag cáineadh; ní de shíor a bheidh sé i bhfeirg linn.
[10] Ní de réir ár bpeacaí a roinneann sé linn; ní de réir ár gcionta a chúitíonn sé linn.

[11] Pois quanto o céu se alteia acima da terra, assim é grande a sua misericórdia para com os que o temem.

[12] Quanto dista o Oriente do Ocidente, assim afasta de nós as nossas transgressões.

[13] Como um pai se compadece de seus filhos, assim o SENHOR se compadece dos que o temem.

[14] Pois ele conhece a nossa estrutura e sabe que somos pó.

[15] Quanto ao homem, os seus dias são como a relva; como a flor do campo, assim ele floresce;

[16] pois, soprando nela o vento, desaparece; e não conhecerá, daí em diante, o seu lugar.

[17] Mas a misericórdia do SENHOR é de eternidade a eternidade, sobre os que o temem, e a sua justiça, sobre os filhos dos filhos,

[18] para com os que guardam a sua aliança e para com os que se lembram dos seus preceitos e os cumprem.

[19] Nos céus, estabeleceu o SENHOR o seu trono, e o seu reino domina sobre tudo.

[20] Bendizei ao SENHOR, todos os seus anjos, valorosos em poder, que executais as suas ordens e lhe obedeceis à palavra.

[21] Bendizei ao SENHOR, todos os seus exércitos, vós, ministros seus, que fazeis a sua vontade.

[11]Óir ní airde neamh os cionn talaimh ná a bhuanghrá don dream lenarb eagal é.

[12]Ní faide an t-oirthear ón iarthar ná an fad a chuireann sé ár gcionta uainn.

[13]Amhail is trua leis an athair a chlann, is trua leis an Tiarna lucht a eaglaithe.

[14]Óir is eol dó an tslí inar cumadh sinn agus is cuimhin leis nach bhfuil ionainn ach luaithreach.

[15]Is cosúil ré an duine le féar; bláthaíonn sé amhail bláth an mhachaire.

[16]Téann sé ar ceal le leoithne gaoithe, agus ní fios dá ionad féin é feasta.

[17]Ach maireann buanghrá an Tiarna go síoraí don dream ar a mbíonn a eagla,

[18]agus a fhíréantacht do chlann a gclainne nuair a chomhlíonann siad a chonradh go dílis, agus go ndéanann siad de réir a thola.

[19]Shocraigh an Tiarna a chathaoir ar neamh; agus rialaíonn a ríogacht gach aon ní.

[20]Molaigí an Tiarna, a aingle uile an Tiarna a dhéanann a réir go cumasach, agus a bhíonn go humhal dá bhriathar.

[21]Molaigí an Tiarna, a aingle uile an Tiarna, a lucht fónaimh a dhéanann a thoil.

[22] Bendizei ao SENHOR, vós, todas as suas obras, em todos os lugares do seu domínio. Bendize, ó minha alma, ao SENHOR.

Salmo 104

Louvor ao Deus criador

[1] Bendize, ó minha alma, ao SENHOR! SENHOR, Deus meu, como tu és magnificente: sobrevestido de glória e majestade,

[2] coberto de luz como de um manto. Tu estendes o céu como uma cortina,

[3] pões nas águas o vigamento da tua morada, tomas as nuvens por teu carro e voas nas asas do vento.

[4] Fazes a teus anjos ventos e a teus ministros, labaredas de fogo.

[5] Lançaste os fundamentos da terra, para que ela não vacile em tempo nenhum.

[6] Tomaste o abismo por vestuário e a cobriste; as águas ficaram acima das montanhas;

[7] à tua repreensão, fugiram, à voz do teu trovão, bateram em retirada.

[8] Elevaram-se os montes, desceram os vales, até ao lugar que lhes havias preparado.

[9] Puseste às águas divisa que não ultrapassarão, para que não tornem a cobrir a terra.

[10] Tu fazes rebentar fontes no vale, cujas águas correm entre os montes;

[22]Molaigí an Tiarna, a oibreacha uile an Tiarna i ngach uile áit dá bhfuil faoina réir. Beannaigh an Tiarna, a anam liom.

Salm 104

Moladh leis an gCruthaitheoir

[1]Beannaigh an Tiarna, a anam liom! A Thiarna Dia, is rómhór tú go dearfa; tá tú éadaithe i maorgacht agus maise;

[2]tá tú gléasta le solas mar le fallaing. Leath tú na spéartha mar bhrat botha;

[3]thóg tú d'áras os cionn na díleann. Bíonn na néalta agat mar charbad ag marcaíocht duit ar sciatháin na gaoithe.

[4]Déanann tú teachtairí de na gaotha, agus timirí den tine lasrach.

[5]Chuir tú an talamh ina sheasamh ar a bhonn; ní dhéanfar a bhogadh go brách na breithe.

[6]Chlúdaigh tú leis an aigéan é mar le brat ionas gur fholaigh na huiscí na sléibhte.

[7]Theith siad nuair a rinne tú a gcáineadh; ghabh eagla iad roimh thorann do thoirní.

[8]D'éirigh na sléibhte agus d'ísligh na gleannta chun an ionaid a cheap tú dóibh.

[9]Chuir tú teorainn leo nár chead dóibh dul thairsti, sula bhfolaidís an talamh as úire.

[10]Cuireann tú toibreacha ag brúchtadh isteach sna haibhneacha; agus sníonn siad idir na sléibhte.

[11] dão de beber a todos os animais do campo; os jumentos selvagens matam a sua sede.

[12] Junto delas têm as aves do céu o seu pouso e, por entre a ramagem, desferem o seu canto.

[13] Do alto de tua morada, regas os montes; a terra farta-se do fruto de tuas obras.

[14] Fazes crescer a relva para os animais e as plantas, para o serviço do homem, de sorte que da terra tire o seu pão,

[15] o vinho, que alegra o coração do homem, o azeite, que lhe dá brilho ao rosto, e o alimento, que lhe sustém as forças.

[16] Avigoram-se as árvores do SENHOR e os cedros do Líbano que ele plantou,

[17] em que as aves fazem seus ninhos; quanto à cegonha, a sua casa é nos ciprestes.

[18] Os altos montes são das cabras montesinhas, e as rochas, o refúgio dos arganazes.

[19] Fez a lua para marcar o tempo; o sol conhece a hora do seu ocaso.

[20] Dispões as trevas, e vem a noite, na qual vagueiam os animais da selva.

[21] Os leõezinhos rugem pela presa e buscam de Deus o sustento;

[22] em vindo o sol, eles se recolhem e se acomodam nos seus covis.

[11]Tugann siad deoch d'ainmhithe an mhachaire; agus múchann na hasail allta a dtart iontu.

[12]Cónaíonn éanlaith an aeir ar a mbruacha; agus iad ag ceiliúradh i measc na gcraobhacha.

[13]Uiscíonn tú na sléibhte ó d'áras cónaithe; líontar an talamh de thoradh do shaothair.

[14]Cuireann tú an féar ag fás don bhólacht, agus luibheanna ar mhaithe leis an duine chun go mbaine sé arán as an talamh,

[15]agus fíon a chuireann áthas ar an duine, d'fhonn aoibh a chur ar a aghaidh le hola, agus a chroí a neartú le harán.

[16]Tá crainn an Tiarna lán de shúlach; na crainn chéadair a phlandaigh sé sa Liobáin.

[17]Is iontu a dhéanann na héin a neadacha; agus neadaíonn an chorr bhán sa chrann giúise.

[18]Na sléibhte is dídean do na gabhair allta; agus bíonn na broic i bhfolach sna creaga.

[19]Rinne tú an ghealach chun na séasúir a fhógairt; is eol don ghrian tráth a turnaimh.

[20]Leathann tú an dorchacht go mbíonn ina oíche, agus go mbíonn ainmhithe uile na coille ar a seilg -

[21]Na coileáin leoin ag búiríl chun a gcreiche, is iad ag éileamh a gcoda ar Dhia.

[22]Bailíonn siad leo le héirí na gréine, go dtéann siad ina luí ina bpluaiseanna.

[23] Sai o homem para o seu trabalho e para o seu encargo até à tarde.

[24] Que variedade, SENHOR, nas tuas obras! Todas com sabedoria as fizeste; cheia está a terra das tuas riquezas.

[25] Eis o mar vasto, imenso, no qual se movem seres sem conta, animais pequenos e grandes.

[26] Por ele transitam os navios e o monstro marinho que formaste para nele folgar.

[27] Todos esperam de ti que lhes dês de comer a seu tempo.

[28] Se lhes dás, eles o recolhem; se abres a mão, eles se fartam de bens.

[29] Se ocultas o rosto, eles se perturbam; se lhes cortas a respiração, morrem e voltam ao seu pó.

[30] Envias o teu Espírito, eles são criados, e, assim, renovas a face da terra.

[31] A glória do SENHOR seja para sempre! Exulte o SENHOR por suas obras!

[32] Com só olhar para a terra, ele a faz tremer; toca as montanhas, e elas fumegam.

[33] Cantarei ao SENHOR enquanto eu viver; cantarei louvores ao meu Deus durante a minha vida.

[23]Gabhann an duine amach chun a oibre ag saothrú leis go dtí an tráthnóna.

[24]Nach líonmhar iad d'oibreacha, a Thiarna! rinne tú gach aon ní le heagna; is comhlán an chruinne dá bhfuil déanta agat.

[25]Féach an fharraige is í ar leathadh go fairsing is ag cur thar maoil le créatúir gan áireamh, dúile beo, idir bheag agus mhór.

[26]Is uirthi a sheolann an loingeas; agus an Leiviatan a rinne tú le bheith ag súgradh inti.

[27]Bíonn siad siúd go léir ag brath ort; chun iad a bheathú in am trátha.

[28]Cruinníonn siad le chéile a dtugann tú dóibh; leathann tú do lámh agus líontar iad.

[29]Má fholaíonn tú d'aghaidh bíonn siad buartha, má bhaineann tú an anáil díobh éagann siad, agus casann siad ar an luaithreach as úire.

[30]Nuair a chuireann tú do spiorad uait cruthaítear iad; agus athnuann tú aghaidh na talún.

[31]Go maire glóir an Tiarna go brách! go raibh lúcháir ar an Tiarna faoina ndearna sé!

[32]Le sileadh súile cuireann sé an talamh ar crith; má leagann sé barr méire ar na sléibhte, tiocfaidh toit astu!

[33]Beidh mé ag canadh don Tiarna fad a mhairfidh mé; molfaidh mé mo Dhia fad is beo dom.

[34] Seja-lhe agradável a minha meditação; eu me alegrarei no SENHOR.

[35] Desapareçam da terra os pecadores, e já não subsistam os perversos. Bendize, ó minha alma, ao SENHOR! Aleluia!

Salmo 105

As maravilhosas obras do Senhor a favor de Israel

1 Crônicas 16.8-22

[1] Rendei graças ao SENHOR, invocai o seu nome, fazei conhecidos, entre os povos, os seus feitos.

[2] Cantai-lhe, cantai-lhe salmos; narrai todas as suas maravilhas.

[3] Gloriai-vos no seu santo nome; alegre-se o coração dos que buscam o SENHOR.

[4] Buscai o SENHOR e o seu poder; buscai perpetuamente a sua presença.

[5] Lembrai-vos das maravilhas que fez, dos seus prodígios e dos juízos de seus lábios,

[6] vós, descendentes de Abraão, seu servo, vós, filhos de Jacó, seus escolhidos.

[7] Ele é o SENHOR, nosso Deus; os seus juízos permeiam toda a terra.

[8] Lembra-se perpetuamente da sua aliança, da palavra que empenhou para mil gerações;

[9] da aliança que fez com Abraão e do juramento que fez a Isaque;

[10] o qual confirmou a Jacó por decreto e a Israel por aliança perpétua,

[11] dizendo: Dar-te-ei a terra de Canaã como quinhão da vossa herança.

[34]Go mba taitneamhach leis briathra mo bheil; is sa Tiarna a dhéanfaidh mé gairdeas.

[35]Go scriostar na peacaigh as an talamh; agus go dté na hurchóidigh ar ceal. Beannaigh an Tiarna, a anam liom. Alleluia!

Salm 105

Dílseacht Dé dá Ghealltanais

[1]Altaígí don Tiarna, glaoigí ar a ainm; foilsígí a ghníomhartha do na náisiúin.

[2]Bígí ag canadh dó, déanaigí a mholadh; insígí a éachtaí go léir.

[3]Déanaigí mórtas as a ainm óir is naofa é; gairdigí, a lucht iarrtha, an Tiarna.

[4]Breathnaígí an Tiarna agus a chumhacht; lorgaígí a ghnúis de shíor.

[5]Cuimhnigí ar na héachtaí a rinne sé; ar a mhíorúiltí agus ar bhreitheanna a bhéil.

[6]A shliocht Abrahám, a lucht fónaimh féin! a chlann Iacóib dá ndearna sé rogha!

[7]Is é an Tiarna féin ár nDia a bhfuil a bhreitheanna i réim ar fud na cruinne.

[8]Cuimhníonn sé ar a chonradh go brách, ar a ghealltanas go dtí míle glúin,

[9]an conradh a cheangail sé le hAbrahám, an mionn a mhionnaigh sé do Íosác.

[10]Dhaingnigh sé ina reacht é do Iacób, ina chonradh d'Iosrael go brách,

[11]á rá leis: “Tabharfaidh mé Canán duit, chun bheith mar oidhreacht agat féin.”

[12] Então, eram eles em pequeno número, pouquíssimos e forasteiros nela;	[12]An uair ba thearc a líon, glac bheag díobh, ina gcoimhthígh sa tír,
[13] andavam de nação em nação, de um reino para outro reino.	[13]ag imeacht ó chine go cine dóibh, is iad ag fánaíocht ó ríocht go ríocht.
[14] A ninguém permitiu que os oprimisse; antes, por amor deles, repreendeu a reis,	[14]Níor lig sé d'aon neach cos ar bolg a dhéanamh orthu; ach rinne bagairt ar ríthe ar a son.
[15] dizendo: Não toqueis nos meus ungidos, nem maltrateis os meus profetas.	[15]"Ná leomhadh sibh baint le m'ungthaigh; ná déanaigí dochar do m'fháithe."
[16] Fez vir fome sobre a terra e cortou os meios de se obter pão.	[16]Nuair a ghlaoigh sé gorta ar an tír sin, agus gur mhill sé an t-arán ar fad orthu,
[17] Adiante deles enviou um homem, José, vendido como escravo;	[17]is amhlaidh a bhí fear curtha rompu aige, mar a bhí, Iósaef, a díoladh i ndaorbhroid.
[18] cujos pés apertaram com grilhões e a quem puseram em ferros,	[18]Ceanglaíodh a chosa le cuibhreacha; crioslaíodh a mhuineál le hiarann,
[19] até cumprir-se a profecia a respeito dele, e tê-lo provado a palavra do SENHOR.	[19]go dtí gur comhlíonadh a fháistine; is gur dhearbhaigh briathar an Tiarna é.
[20] O rei mandou soltá-lo; o potentado dos povos o pôs em liberdade.	[20]Chuir an rí dá fhios agus d'fhuascail é; rinne taoiseach na gciníocha é a shaoradh.
[21] Constituiu-o senhor de sua casa e mordomo de tudo o que possuía,	[21]Cheap sé ina thiarna ar a theaghlach é, ina mhaor ar a mhaoin go léir,
[22] para, a seu talante, sujeitar os seus príncipes e aos seus anciãos ensinar a sabedoria.	[22]d'fhonn a mhaithe a mhúineadh mar ba mhian leis, agus saoithe a dhéanamh dá sheanóirí.
[23] Então, Israel entrou no Egito, e Jacó peregrinou na terra de Cam.	[23]Tháinig Iosrael isteach san Éigipt dá éis sin; agus bhain Iacób faoi i dtír Hám.
[24] Deus fez sobremodo fecundo o seu povo e o tornou mais forte do que os seus opressores.	[24]Mhéadaigh sé a phobal go mór, go ndearna ní ba láidre ná a naimhde iad.
[25] Mudou-lhes o coração para que odiassem o seu povo e usassem de astúcia para com os seus servos.	[25]D'athraigh sé a gcroí siúd ionas gurbh fhuath leo a phobal, agus gur bhaineadar mealladh as a sheirbhísigh.

[26] E lhes enviou Moisés, seu servo, e Arão, a quem escolhera,

[27] por meio dos quais fez, entre eles, os seus sinais e maravilhas na terra de Cam.

[28] Enviou trevas, e tudo escureceu; e Moisés e Arão não foram rebeldes à sua palavra.

[29] Transformou-lhes as águas em sangue e assim lhes fez morrer os peixes.

[30] Sua terra produziu rãs em abundância, até nos aposentos dos reis.

[31] Ele falou, e vieram nuvens de moscas e piolhos em todo o seu país.

[32] Por chuva deu-lhes saraiva e fogo chamejante, na sua terra.

[33] Devastou-lhes os vinhedos e os figueirais e lhes quebrou as árvores dos seus limites.

[34] Ele falou, e vieram gafanhotos e saltões sem conta,

[35] os quais devoraram toda a erva do país e comeram o fruto dos seus campos.

[36] Também feriu de morte a todos os primogênitos da sua terra, as primícias do seu vigor.

[37] Então, fez sair o seu povo, com prata e ouro, e entre as suas tribos não havia um só inválido.

[38] Alegrou-se o Egito quando eles saíram, porquanto lhe tinham infundido terror.

[39] Ele estendeu uma nuvem que lhes servisse de toldo e um fogo para os alumiar de noite.

[26]Chuir sé Maois, a sheirbhíseach, ag triall orthu, agus Árón, an duine a roghnaigh sé.

[27]D'oibrigh siad a chomharthaí ina measc, agus a iontais i bhfearann Hám.

[28]Chuir sé an dorchacht chucu agus dhorchaigh sé, ach níor thug siad aird ar a bhriathar.

[29]Rinne sé fuil dá n-uiscí i dtreo is gur mharaigh sé a n-iasc.

[30]Bhí a dtír ag brúchtaíl le froganna, fiú amháin i seomraí a ríthe.

[31]Labhair sé agus tháinig saithe de chuileoga, agus de mhíolta ar fud na tíre.

[32]Chuir sé cloichshneachta chucu in áit fearthainne; agus tine chraosach trína gcríocha go léir.

[33]Bhuail sé a bhfíniúna is a gcrainn fígí; agus threascair sé crainn uile a gcríocha.

[34]Labhair sé agus tháinig na lócaistí, agus dreoilíní teaspaigh gan áireamh.

[35]Shlog siad a raibh de luibheanna sa tír, agus d'ith siad toradh a dtalaimh.

[36]Bhuail sé gach céadghin ina bhfearann, céadtoradh a nirt go léir.

[37]Sheol sé amach iad le hór is le hairgead, gan lagrachán ar bith ina dtreibheanna.

[38]Bhí áthas ar na hÉigiptigh nuair a d'imigh siad óir bhí uamhan agus eagla orthu rompu.

[39]Leath sé néal ina dtimpeall á gclúdach, agus tine a thug solas dóibh san oíche.

[40] Pediram, e ele fez vir codornizes e os saciou com pão do céu.

[41] Fendeu a rocha, e dela brotaram águas, que correram, qual torrente, pelo deserto.

[42] Porque estava lembrado da sua santa palavra e de Abraão, seu servo.

[43] E conduziu com alegria o seu povo e, com jubiloso canto, os seus escolhidos.

[44] Deu-lhes as terras das nações, e eles se apossaram do trabalho dos povos,

[45] para que lhe guardassem os preceitos e lhe observassem as leis. Aleluia!

Salmo 106

A graça de Deus e a ingratidão de Israel
Vs. 47-48: 1 Crônicas 16.35-36

[1] Aleluia! Rendei graças ao SENHOR, porque ele é bom; porque a sua misericórdia dura para sempre.

[2] Quem saberá contar os poderosos feitos do SENHOR ou anunciar os seus louvores?

[3] Bem-aventurados os que guardam a retidão e o que pratica a justiça em todo tempo.

[4] Lembra-te de mim, SENHOR, segundo a tua bondade para com o teu povo; visita-me com a tua salvação,

[5] para que eu veja a prosperidade dos teus escolhidos, e me alegre com a alegria do teu povo, e me regozije com a tua herança.

[40]Chuir sé gearra goirt chucu ar a n-iarratas; agus líon sé le bia ó neamh iad.

[41]Scoilt sé an charraig gur bhrúcht an t-uisce ina shlaoda; agus scaird sé ina abhainn tríd an bhfásach.

[42]Óir ba chuimhin leis a bhriathar naofa a thug sé d'Abrahám, a ghiolla.

[43]Agus sheol sé a phobal amach le gairdeas; agus a mhuintir thofa le gártha áthais.

[44]Agus thug sé dóibh críocha na gciníocha; agus ghabh siad a raibh saothraithe ag na náisiúin,

[45]i dtreo go gcoimeádaidís a reachtanna; agus go gcomhlíonaidís a dhlíthe. Alleluia.

Salm 106

[1]*Ollmhaitheas Dé agus Diomaíochas Iosrael Alleluia.* Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é; toisc go maireann a bhuanghrá go brách.

[2]Cé ar féidir leis éachtaí an Tiarna a fhógairt? cé a chraolfaidh a mholtaí go léir?

[3]Is méanar don dream a choinníonn an ceart, agus a chloíonn leis an bhfíréantacht de shíor.

[4]Bí ag cuimhneamh orm, a Thiarna, bí go maith dom, as ucht do ghrá do do phobal. Tar chugam, a Thiarna, le do chúnamh;

[5]go bhfeice mé séan na ndaoine atá tofa agat, go ndéana mé gairdeas faoi áthas do phobail; is go ndéana mé mórtas mar aon le d'oidhreacht.

[6] Pecamos, como nossos pais; cometemos iniqüidade, procedemos mal.

[7] Nossos pais, no Egito, não atentaram às tuas maravilhas; não se lembraram da multidão das tuas misericórdias e foram rebeldes junto ao mar, o mar Vermelho.

[8] Mas ele os salvou por amor do seu nome, para lhes fazer notório o seu poder.

[9] Repreendeu o mar Vermelho, e ele secou; e fê-los passar pelos abismos, como por um deserto.

[10] Salvou-os das mãos de quem os odiava e os remiu do poder do inimigo.

[11] As águas cobriram os seus opressores; nem um deles escapou.

[12] Então, creram nas suas palavras e lhe cantaram louvor.

[13] Cedo, porém, se esqueceram das suas obras e não lhe aguardaram os desígnios;

[14] entregaram-se à cobiça, no deserto; e tentaram a Deus na solidão.

[15] Concedeu-lhes o que pediram, mas fez definhar-lhes a alma.

[16] Tiveram inveja de Moisés, no acampamento, e de Arão, o santo do SENHOR.

[17] Abriu-se a terra, e tragou a Datã, e cobriu o grupo de Abirão.

[18] Ateou-se um fogo contra o seu grupo; a chama abrasou os ímpios.

[6]Pheacaíomar ar nós ar sinsir; rinneamar an t-olc agus an t-éigeart.

[7]Níor thug ár n-aithreacha san Éigipt aon aird ar bith ar d'éachtaí. Rinne siad dearmad ar lánmhaire do bhuanghrá; thugadar a slán faoin Neach is Airde ag an Muir Rua.

[8]Ach tharrthaigh sé iad as ucht a ainm, d'fhonn is go ndéanfadh sé a chumhacht a nochtadh.

[9]Thug sé casaoid don Mhuir Rua agus thiormaigh sí; agus sheol sé trí na tonnta mar trí fhásach iad.

[10]Shaor sé ó láimh lucht a bhfuatha iad; agus scaoil sé iad as greim a naimhde.

[11]D'fholaigh an tuile a gcéilí comhraic; níor fágadh oiread is aon fhear amháin acu.

[12]Ansin is ea a chreid siad a bhriathra; gur ghabh siad ag canadh a mholtaí.

[13]Ach ba ghearr go ndearna siad dearmad ar a éachtaí; agus níorbh áil leo fanacht lena chomhairle.

[14]Ligeadar srian lena mianta san fhásach; chuireadar cathú ar Dhia san uaigneas.

[15]Lig sé a n-achainí leo; ach chuir sé seirg-ghalar ar a n-anam.

[16]Bhí éad orthu le Maois ina mbothanna, agus le hÁrón, neach naofa an Tiarna.

[17]D'oscail an talamh agus shlog sé Dátán, agus d'fholaigh sé Aibíorám is a mhuintir.

[18]Fadaíodh tine i measc a mbuíne; agus loisc na lasracha na meirligh.

[19] Em Horebe, fizeram um bezerro e adoraram o ídolo fundido.
[20] E, assim, trocaram a glória de Deus pelo simulacro de um novilho que come erva.
[21] Esqueceram-se de Deus, seu Salvador, que, no Egito, fizera coisas portentosas,
[22] maravilhas na terra de Cam, tremendos feitos no mar Vermelho.
[23] Tê-los-ia exterminado, como dissera, se Moisés, seu escolhido, não se houvesse interposto, impedindo que sua cólera os destruísse.
[24] Também desprezaram a terra aprazível e não deram crédito à sua palavra;
[25] antes, murmuraram em suas tendas e não acudiram à voz do SENHOR.
[26] Então, lhes jurou, de mão erguida, que os havia de arrasar no deserto;
[27] e também derribaria entre as nações a sua descendência e os dispersaria por outras terras.
[28] Também se juntaram a Baal-Peor e comeram os sacrifícios dos ídolos mortos.
[29] Assim, com tais ações, o provocaram à ira; e grassou peste entre eles.
[30] Então, se levantou Finéias e executou o juízo; e cessou a peste.
[31] Isso lhe foi imputado por justiça, de geração em geração, para sempre.

[19]Dhealbhaigh siad lao ag Horaeb; rinne siad íol d'ór leáite a adhradh.
[20]Rinne siad Dia na glóire a mhalartú ar íomhá tairbh a mhaireann ar fhéar.
[21]Rinne siad dearmad ar Dhia a shlánaigh iad, agus a rinne éachtaí móra dóibh san Éigipt,
[22]a rinne na hiontais dóibh i dtír Hám, agus nithe uamhnacha le hais na Mara Rua.
[23]Agus dúirt sé go scriosfadh sé iad dá bhrí sin, murach Maois, an té a roghnaigh sé a dhul roimhe sa bhearna d'fhonn a fhearg a mhaolú sula ndéanfadh sé a milleadh.
[24]Ba tháir leo dá éis sin tír an aoibhnis; níor mhuinín leo, ach oiread, a bhriathar.
[25]Ach bhídís ag cásamh ina mbothanna, agus ní éistfidís le glór an Tiarna.
[26]D'ardaigh sé a lámh agus mhionnaigh dóibh go leagfadh sé ar lár iad san fhásach,
[27]go scaipfeadh sé a síol i measc na náisiún a scaoileadh ar fud na cruinne.
[28]D'umhlaigh siad ansin do Bhál Peór, agus d'ith siad íobairtí na marbh.
[29]Spreag siad é chun feirge lena ngníomhartha, agus buaileadh iad ansin leis an bplá.
[30]D'éirigh Píneachás gur imir sé breithiúnas, gurb amhlaidh a cuireadh cosc leis an bplá.
[31]Measadh sin mar fhíréantacht dó dá bharr go dtí an uile ghlúin go brách na breithe.

[32] Depois, o indignaram nas águas de Meribá, e, por causa deles, sucedeu mal a Moisés,

[32]Chuir siad fearg air ag uiscí Mhiríbeá; agus smachtaigh sé Maois dá dheasca.

[33] pois foram rebeldes ao Espírito de Deus, e Moisés falou irrefletidamente.

[33]Óir chuir siad a chroí chun seirbhe, ionas gur labhair sé briathra míchríonna.

[34] Não exterminaram os povos, como o SENHOR lhes ordenara.

[34]Ní dhearna siad na náisiúin a dhíothú de réir mar a d'ordaigh an Tiarna dóibh.

[35] Antes, se mesclaram com as nações e lhes aprenderam as obras;

[35]Ach is amhlaidh a rinne siad caidreamh leis na ciníocha, go ndearna siad a ngníomharthasan a fhoghlaim.

[36] deram culto a seus ídolos, os quais se lhes converteram em laço;

[36]Thug siad fónamh d'íola na náisiún, gurb uime sin a cuireadh ó rath iad.

[37] pois imolaram seus filhos e suas filhas aos demônios

[37]Óir d'íobair siad a macra féin, agus a n-iníonacha féin do na deamhain.

[38] e derramaram sangue inocente, o sangue de seus filhos e filhas, que sacrificaram aos ídolos de Canaã; e a terra foi contaminada com sangue.

[38]Dhoirt siad fuil na neamhurchóideach, fuil a mac is a n-iníonacha, a d'íobair siad do íola Chanán gur truaillíodh an tír le fuil.

[39] Assim se contaminaram com as suas obras e se prostituíram nos seus feitos.

[39]Trochlaíodh iad lena n-oibreacha féin; agus ghabh siad le striapachas ina ngníomhartha.

[40] Acendeu-se, por isso, a ira do SENHOR contra o seu povo, e ele abominou a sua própria herança

[40]Bhladhm fraoch Dé in aghaidh a phobail; ghlac sé déistin lena oidhreacht féin.

[41] e os entregou ao poder das nações; sobre eles dominaram os que os odiavam.

[41]Thug sé faoi smacht na náisiún iad, agus chuir lucht a bhfuatha faoi chois iad.

[42] Também os oprimiram os seus inimigos, sob cujo poder foram subjugados.

[42]Rinne a naimhde cos ar bolg orthu, agus fágadh faoi smacht a lámh iad.

[43] Muitas vezes os libertou, mas eles o provocaram com os seus conselhos e, por sua iniqüidade, foram abatidos.

[43]Tharrthaigh sé arís agus arís eile iad, ach spreag siad chun feirge é lena scéimeanna, agus leag a n-urchóid féin ar lár iad.

[44] Olhou-os, contudo, quando estavam angustiados e lhes ouviu o clamor;

[44]Dá ainneoin sin chuir sé spéis ina mbuaireamh, nuair a chuala sé a nglao.

[45] lembrou-se, a favor deles, de sua aliança e se compadeceu, segundo a multidão de suas misericórdias.

[45]Ar a son siúd chuimhnigh sé ar a chonradh. Ghlac sé trua dóibh as ucht a lánmhaire a bhuanghrá,

[46] Fez também que lograssem compaixão de todos os que os levaram cativos.

[46]agus fuair sé trócaire dóibh ó na dreamanna go léir a rinne braighdeanaigh díobh.

[47] Salva-nos, SENHOR, nosso Deus, e congrega-nos de entre as nações, para que demos graças ao teu santo nome e nos gloriemos no teu louvor.

[47]Tarrthaigh sinn, a Thiarna, ár nDia; bailigh le chéile sinn as measc na náisiún go dtugaimis buíochas do d'ainm naofa, is go ndéanaimis do mholadh a chanadh.

[48] Bendito seja o SENHOR, Deus de Israel, de eternidade a eternidade; e todo o povo diga: Amém! Aleluia!

[48]Moladh leis an Tiarna, Dia Iosrael, ó aois go haois go brách. Agus go gcana na daoine go léir: Amen! Amen! Alleluia!

Livro V

Salmos 107 - 150

Salmo 107

Deus salva de todas as tribulações

[1] Rendei graças ao SENHOR, porque ele é bom, e a sua misericórdia dura para sempre.

[2] Digam-no os remidos do SENHOR, os que ele resgatou da mão do inimigo

[3] e congregou de entre as terras, do Oriente e do Ocidente, do Norte e do mar.

[4] Andaram errantes pelo deserto, por ermos caminhos, sem achar cidade em que habitassem.

[5] Famintos e sedentos, desfalecia neles a alma.

[6] Então, na sua angústia, clamaram ao SENHOR, e ele os livrou das suas tribulações.

[7] Conduziu-os pelo caminho direito, para que fossem à cidade em que habitassem.

Salm 107

An Cúigiú Leabhar
Moladh le Dia

[1]Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é, toisc go maireann a bhuanghrá go brách.

[2]Abradh amhlaidh an dream ar shlánaigh an Tiarna iad, an dream a shlánaigh sé ó láimh an namhad,

[3]agus a chruinnigh sé ó thíortha i gcéin, anoir, aniar, aneas agus aduaidh.

[4]Ghabh siad ar seachrán in uaigneas an fhásaigh; níor aimsigh siad slí chuig cathair chónaithe.

[5]Bhí ocras agus tart as cuimse orthu, go raibh siad i ndeireadh a n-anama.

[6]Ach ghlaoigh siad ar an Tiarna ina ngátar; agus rinne sé a bhfuascailt óna n-anacraí,

[7]agus sheol sé ar an mbóthar díreach iad ionas gur aimsigh siad cathair chónaithe.

[8] Rendam graças ao SENHOR por sua bondade e por suas maravilhas para com os filhos dos homens!

[9] Pois dessedentou a alma sequiosa e fartou de bens a alma faminta.

[10] Os que se assentaram nas trevas e nas sombras da morte, presos em aflição e em ferros,

[11] por se terem rebelado contra a palavra de Deus e haverem desprezado o conselho do Altíssimo,

[12] de modo que lhes abateu com trabalhos o coração – caíram, e não houve quem os socorresse.

[13] Então, na sua angústia, clamaram ao SENHOR, e ele os livrou das suas tribulações.

[14] Tirou-os das trevas e das sombras da morte e lhes despedaçou as cadeias.

[15] Rendam graças ao SENHOR por sua bondade e por suas maravilhas para com os filhos dos homens!

[16] Pois arrombou as portas de bronze e quebrou as trancas de ferro.

[17] Os estultos, por causa do seu caminho de transgressão e por causa das suas iniqüidades, serão afligidos.

[18] A sua alma aborreceu toda sorte de comida, e chegaram às portas da morte.

[19] Então, na sua angústia, clamaram ao SENHOR, e ele os livrou das suas tribulações.

[8]Gabhaidís buíochas leis an Tiarna as ucht a bhuanghrá, as ucht na n-iontas a dhéanann sé don Ádhamchlann,

[9]de bhrí gur shásaigh sé an t-anam tartmhar, agus gur líon sé de nithe fónta an t-anam ocrach.

[10]Bhí siad ina suí sa duifean agus sa dorchacht, i gcuibhreacha na hainnise agus an iarainn,

[11]toisc go ndeachaigh siad in easumhlaíocht ar Dhia, agus gur neamhshuim leo comhairle an Neach is Airde.

[12]D'ísligh sé a gcroí le buairt; thuisligh siad; ní raibh aon neach lena dtarrtháil.

[13]Ach ghlaoigh siad ar an Tiarna ina ngátar, agus rinne sé a bhfuascailt óna mbuaireamh.

[14]Thug sé amach as an duifean agus an dorchacht iad; agus réab sé a gcuibhreacha ó chéile.

[15]Gabhaidís buíochas leis an Tiarna as ucht a bhuanghrá; as ucht na n-iontas a dhéanann sé don Ádhamhchlann.

[16]Óir rinne sé smionagar de na doirse práis agus réab sé na sparraí iarainn ó chéile.

[17]Buaileadh breoite iad de dheasca a bpeacaí; bhíodar á gcrá de dheasca a gcionta.

[18]Ba ghráin leo an uile shórt bia; agus dhruid siad le doirse an bháis.

[19]Ach ghlaoigh siad ar an Tiarna ina ngátar; agus rinne sé a bhfuascailt óna mbuaireamh.

[20] Enviou-lhes a sua palavra, e os sarou, e os livrou do que lhes era mortal.

[21] Rendam graças ao SENHOR por sua bondade e por suas maravilhas para com os filhos dos homens!

[22] Ofereçam sacrifícios de ações de graças e proclamem com júbilo as suas obras!

[23] Os que, tomando navios, descem aos mares, os que fazem tráfico na imensidade das águas,

[24] esses vêem as obras do SENHOR e as suas maravilhas nas profundezas do abismo.

[25] Pois ele falou e fez levantar o vento tempestuoso, que elevou as ondas do mar.

[26] Subiram até aos céus, desceram até aos abismos; no meio destas angústias, desfalecia-lhes a alma.

[27] Andaram, e cambalearam como ébrios, e perderam todo tino.

[28] Então, na sua angústia, clamaram ao SENHOR, e ele os livrou das suas tribulações.

[29] Fez cessar a tormenta, e as ondas se acalmaram.

[30] Então, se alegraram com a bonança; e, assim, os levou ao desejado porto.

[31] Rendam graças ao SENHOR por sua bondade e por suas maravilhas para com os filhos dos homens!

[32] Exaltem-no também na assembléia do povo e o glorifiquem no conselho dos anciãos.

[20]Chuir sé a bhriathar chucu á leigheas; agus saoradh iad ón scrios a bhí ag bagairt orthu.

[21]Gabhaidís buíochas leis an Tiarna as ucht a bhuanghrá; as ucht na n-iontas a dhéanann sé don Ádhamchlann.

[22]Ofrálaidís a n-íobairtí buíochais, agus fógraídís a éachtaí go háthasach.

[23]Sheol cuid acu an mhuir i loingeas; a thrádáil ar an aigéan imleathan,

[24]mar a bhfaca siad oibreacha an Tiarna, agus na héachtaí a dhéanann sé san fharraige.

[25]Óir labhair sé agus mhúscail sé an t-anfa, agus thóg sé mórthonnta na mara.

[26]Suas go haer leo agus síos leo go grinneall, gur theip ar a meanma ina n-anbhroid.

[27]Bhí siad ag tuisliú is ag titim amhail lucht meisce, mar dhaoine a bhí i mbarr a gcéille.

[28]Ach ghlaoigh siad ar an Tiarna ina ngátar; agus rinne sé a bhfuascailt óna mbuaireamh.

[29]Chiúnaigh sé an t-anfa is an doineann; agus chuir tonnta na mara ina dtost.

[30]Ghabh áthas iad as ucht an chiúnais; agus sheol sé iad sa chuan ba mhian leo.

[31]Gabhaidís buíochas leis an Tiarna as ucht a bhuanghrá, as ucht na n-iontas a dhéanann sé don Ádhamchlann.

[32]Tugaidís moladh dó i gcomhthionól an phobail; déanaidís a mhóradh i seanad na sean.

[33] Ele converteu rios em desertos e mananciais, em terra seca;
[34] terra frutífera, em deserto salgado, por causa da maldade dos seus habitantes.
[35] Converteu o deserto em lençóis de água e a terra seca, em mananciais.
[36] Estabeleceu aí os famintos, os quais edificaram uma cidade em que habitassem.

[37] Semearam campos, e plantaram vinhas, e tiveram fartas colheitas.

[38] Ele os abençoou, de sorte que se multiplicaram muito; e o gado deles não diminuiu.
[39] Mas tornaram a reduzir-se e foram humilhados pela opressão, pela adversidade e pelo sofrimento.
[40] Lança ele o desprezo sobre os príncipes e os faz andar errantes, onde não há caminho.
[41] Mas levanta da opressão o necessitado, para um alto retiro, e lhe prospera famílias como rebanhos.

[42] Os retos vêem isso e se alegram, mas o ímpio por toda parte fecha a boca.

[43] Quem é sábio atente para essas coisas e considere as misericórdias do SENHOR.

Salmo 108

Deus concede vitória ao seu povo
Salmo 57.7-11; Vs. 6-13: Salmo 60.5-12
Cântico. Salmo de Davi

[33]Rinne sé fásach de shruthanna; talamh tirim de thoibreacha uisce;
[34]riasca salainn de thalamh torthúil mar gheall ar urchóid a lucht áitrithe.
[35]Agus rinne sé locha uisce den fhásach; toibreacha uisce den talamh tur tirim.
[36]Agus chuir sé lucht an ocrais ag lonnú ann; agus bhunaigh siad ann cathair ináitrithe.
[37]Chuir siad síol ann agus phlandaigh siad fíniúna; agus thug an talamh barr ar fheabhas dóibh.
[38]Bheannaigh sé iad agus chuaigh siad i líonmhaireacht; níor lig sé dá dtréada dul i laghad.

[39]Ach caitheann sé dímheas le flatha; agus ligeann ar seachrán slí iad san fhásach.

[40]Agus téann siad i laghad agus i laige; de thoisc iomad a n-olc is a n-angar.

[41]Ach tógann sé na boicht as a n-ainnise, go ndéanann a dteaghlaigh chomh líonmhar le tréada.
[42]Feiceann na fíréin agus déanann siad gairdeas, agus cuirtear an uile urchóid ina tost.
[43]Tabharfaidh an t-eagnaí na nithe seo dá aire; agus beidh tuiscint aige ar bhuanghrá an Tiarna.

Salm 108

Is Gaire Cabhair Dé ná an Doras

[1] Firme está o meu coração, ó Deus! Cantarei e entoarei louvores de toda a minha alma.

[2] Despertai, saltério e harpa! Quero acordar a alva.

[3] Render-te-ei graças entre os povos, ó SENHOR! Cantar-te-ei louvores entre as nações.

[4] Porque acima dos céus se eleva a tua misericórdia, e a tua fidelidade, para além das nuvens.

[5] Sê exaltado, ó Deus, acima dos céus; e em toda a terra esplenda a tua glória,

[6] para que os teus amados sejam livres; salva com a tua destra e responde-nos.

[7] Disse Deus na sua santidade: Exultarei; dividirei Siquém e medirei o vale de Sucote.

[8] Meu é Gileade, meu é Manassés; Efraim é a defesa de minha cabeça; Judá é o meu cetro.

[9] Moabe, porém, é a minha bacia de lavar; sobre Edom atirarei a minha sandália; sobre a Filístia jubilarei.

[10] Quem me conduzirá à cidade fortificada? Quem me guiará até Edom?

[11] Não nos rejeitaste, ó Deus? Tu não sais, ó Deus, com os nossos exércitos!

[12] Presta-nos auxílio na angústia, pois vão é o socorro do homem.

[1]Tá mo chroí go daingean, a Dhia; tá mo chroí go daingean; canfaidh mé agus seinnfidh mé do mholtaí.

[2]Múscail, a anam liom! Músclaígí, a chláirseach asgus a chruit; músclóidh mé féin an maidneachan.

[3]Gabhfaidh mé buíochas leat idir na ciníocha, a Thiarna; molfaidh mé thú i measc na náisiún.

[4]Óir síneann do bhuanghrá chun na bhflaitheas, agus do dhílse chun na spéartha.

[5]Éirigh in airde os cionn na bhflaitheas, a Dhia; bíodh do ghlóir os cionn an domhain uile.

[6]Ionas go ndéanfaí d'aos grá a shaoradh, fóir orainn le do dheasláimh agus éist linn.

[7]Labhair Dia ina shanctóir agus gheall sé: “Roinnfidh mé Seicim go ríméadach agus déanfaidh mé Gleann Sucót a thomhas.

[8]Is liom tír Ghileád, is liom Manaise; is é Eafráim clogad mo chinn. Is é Iúdá mar an gcéanna mo ríshlat;

[9]Is é Móáb mo bháisín níocháin. Ar Eadóm a bhuailfidh mé mo bhróg; agus béarfaidh mé bua ar Fhilistía.”

[10]Cé sheolfaidh isteach mé sa chathair chosanta? Cé thabharfaidh go hEadóm isteach mé?

[11]Nach tú a chuir uait sinn, a Dhia; ionas nach ngabhann tú amach lenár sluaite?

[12]Tabhair cúnamh dúinn in éadan ár naimhde, óir is díomhaoin é cúnamh ón duine.

13 Em Deus faremos proezas, porque ele mesmo calca aos pés os nossos adversários.

13Déanfaimid gaisce le cúnamh ó Dhia, óir is é a ghabhfaidh de chosa inár naimhde.

Salmo 109

Imprecações contra os inimigos
Ao mestre de canto. Salmo de Davi

1 Ó Deus do meu louvor, não te cales!

2 Pois contra mim se desataram lábios maldosos e fraudulentos; com mentirosa língua falam contra mim.

3 Cercam-me com palavras odiosas e sem causa me fazem guerra.

4 Em paga do meu amor, me hostilizam; eu, porém, oro.

5 Pagaram-me o bem com o mal; o amor, com ódio.

6 Suscita contra ele um ímpio, e à sua direita esteja um acusador.

7 Quando o julgarem, seja condenado; e, tida como pecado, a sua oração.

8 Os seus dias sejam poucos, e tome outro o seu encargo.

9 Fiquem órfãos os seus filhos, e viúva, a sua esposa.

10 Andem errantes os seus filhos e mendiguem; e sejam expulsos das ruínas de suas casas.

11 De tudo o que tem, lance mão o usurário; do fruto do seu trabalho, esbulhem-no os estranhos.

Salm 109

1*Do stiúrthóir an chóir. Salm le Dáiví.* A Dhia, dá dtugaim moladh ná bí i do thost,

2óir tá béal na n-éagráifeach agus na bhfealltach ar leathadh i m'aghaidh.

3Labhraíonn siad liom i mbriathra éithigh, timpeallaíonn siad mé le briathra an fhuatha; tugann siad fúm gan fáth.

4I ndíol mo ghrá dóibh bíonn siad do mo chúiseamh; ach bímse ag guí.

5Díolann siad liom an t-olc in aghaidh na maitheasa, an fuath in aghaidh an ghrá.

6Gríosaigh fear na hurchóide ina choinne; agus seasadh an cúisitheoir ar a dheis.

7Nuair a thugtar breith air go ndéantar a dhaoradh; agus go raibh a achainí in aistear.

8Gura tearc iad laethanta a shaoil; agus go nglaca neach eile a chúram.

9Go raibh a chlann ina ndílleachtaí gan athair; agus go bhfágtar a bhean chéile ina baintreach.

10Go raibh a chlann ina lucht fáin ag iarraidh déirce; agus go bhfágtar iad gan teach gan treabhchas.

11Go bhfaighe fear an ghaimbín a bhfuil aige; agus go mille strainséirí toradh a shaothair.

[12] Ninguém tenha misericórdia dele, nem haja quem se compadeça dos seus órfãos.

[13] Desapareça a sua posteridade, e na seguinte geração se extinga o seu nome.

[14] Na lembrança do SENHOR, viva a iniqüidade de seus pais, e não se apague o pecado de sua mãe.

[15] Permaneçam ante os olhos do SENHOR, para que faça desaparecer da terra a memória deles.

[16] Porquanto não se lembrou de usar de misericórdia, mas perseguiu o aflito e o necessitado, como também o quebrantado de coração, para os entregar à morte.

[17] Amou a maldição; ela o apanhe; não quis a bênção; aparte-se dele.

[18] Vestiu-se de maldição como de uma túnica: penetre, como água, no seu interior e nos seus ossos, como azeite.

[19] Seja-lhe como a roupa que o cobre e como o cinto com que sempre se cinge.

[20] Tal seja, da parte do SENHOR, o galardão dos meus contrários e dos que falam mal contra a minha alma.

[21] Mas tu, SENHOR Deus, age por mim, por amor do teu nome; livra-me, porque é grande a tua misericórdia.

[22] Porque estou aflito e necessitado e, dentro de mim, sinto ferido o coração.

[12]Ná raibh neach ann chun gar a dhéanamh dó ná chun trua a ghlacadh dá dhílleachtaí.

[13]Go ndéantar a shliocht a mhilleadh, agus a shloinne a scriosadh in aon ghlúin amháin.

[14]Cuimhníodh an Tiarna ar urchóid a aithreacha agus nár scriostar peaca a mháthar amach.

[15]Go raibh siad i bhfianaise an Tiarna de shíor; go staithe sé a gcuimhne ó fhréamh as an talamh.

[16]Toisc nárbh áil leis trócaire a dhéanamh ach go ndearna géarleanúint go bás ar an ainniseoir agus an dearóil, agus gur mharaigh sé fear an chroí chráite.

[17]An mhallacht ina raibh a dhúil go dtaga sí anuas air; gura fada uaidh an bheannacht nárbh áil leis.

[18]Go raibh sé gléasta i mallachtaí mar a bheadh in éadach; go dté siad isteach ina bhaill bheatha amhail uisce agus isteach ina chnámha amhail ola.

[19]Go raibh siad mar chulaith á chlúdach, mar chrios a bheadh á chrioslú de shíor.

[20]Gurab amhlaidh a roinnfidh an Tiarna le lucht mo chúisithe, agus leis an dream a dhéanann béadán ar m'anam.

[21]Bí i do thaca agam, a Thiarna Dia, as ucht d'ainm; agus fóir orm le feabhas do bhuanghrá.

[22]Óir táimse go dearóil dealbh; agus tá mo chroí á chrá istigh ionam.

[23] Vou passando, como a sombra que declina; sou atirado para longe, como um gafanhoto.

[24] De tanto jejuar, os joelhos me vacilam, e de magreza vai mirrando a minha carne.

[25] Tornei-me para eles objeto de opróbrio; quando me vêem, meneiam a cabeça.

[26] Socorre, SENHOR, Deus meu! Salva-me segundo a tua misericórdia.

[27] Para que saibam vir isso das tuas mãos; que tu, SENHOR, o fizeste.

[28] Amaldiçoem eles, mas tu, abençoa; sejam confundidos os que contra mim se levantam; alegre-se, porém, o teu servo.

[29] Cubram-se de ignomínia os meus adversários, e a sua própria confusão os envolva como uma túnica.

[30] Muitas graças darei ao SENHOR com os meus lábios; louvá-lo-ei no meio da multidão;

[31] porque ele se põe à direita do pobre, para o livrar dos que lhe julgam a alma.

Salmo 110

O reino e o sacerdócio do Messias
Salmo de Davi

[1] Disse o SENHOR ao meu senhor: Assenta-te à minha direita, até que eu ponha os teus inimigos debaixo dos teus pés.

[23]Leáim as mar scáil fhada an tráthnóna scuabtar chun siúil mé mar an lócaiste.

[24]Tá mo ghlúine ag imeacht uaim le troscadh; agus mo cholainn á snoí agus á caitheamh.

[25]Ráinig mé i m'ábhar scige ag gach aon neach; agus bíonn a bhfeiceann mé ag croitheadh a gceann.

[26]Cabhraigh liom, a Thiarna, a Dhia liom; saor mé de réir do bhuanghrá.

[27]Bíodh a fhios acu gurb í seo do lámhsa, gur tusa, a Thiarna, a rinne é seo.

[28]Mallachtaídís! ach bíse dár mbeannachadh; go ndéantar mo naimhde a náiriú agus go ndéana do ghiolla gairdeas.

[29]Go n-éadaítear lucht mo chúisithe i dtarcaisne; agus go gclúdaítear iad le náire mar le fallaing.

[30]Gabhfaidh mé buíochas leis an Tiarna os ard; tabharfaidh mé moladh dó i measc an tslua.

[31]Óir bhí sé ina sheasamh ar dheasláimh an bhochtáin lena shábháil ó lucht a dhaortha.

Salm 110

Críost: Rí agus Sagart

[1]*Salm Dháiví.* D'fhoilsigh an Tiarna do mo thiarnasa: “Bí i do shuí ar mo dheis go gcuirfidh mé do naimhde mar stól faoi do chosa.”

[2] O SENHOR enviará de Sião o cetro do seu poder, dizendo: Domina entre os teus inimigos.

[3] Apresentar-se-á voluntariamente o teu povo, no dia do teu poder; com santos ornamentos, como o orvalho emergindo da aurora, serão os teus jovens.

[4] O SENHOR jurou e não se arrependerá: Tu és sacerdote para sempre, segundo a ordem de Melquisedeque.

[5] O SENHOR, à tua direita, no dia da sua ira, esmagará os reis.

[6] Ele julga entre as nações; enche-as de cadáveres; esmagará cabeças por toda a terra.

[7] De caminho, bebe na torrente e passa de cabeça erguida.

[2]Sínfidh an Tiarna ríshlat do chumhachta as Síón amach. Bí ag rialú i measc do naimhde.

[3]Is leatsa an ceannas ó lá do bhreithe ar na sléibhte naofa; is leat [an ríogacht ó fhíorthús d'óige].

[4]Mhionnaigh an Tiarna, ní bheidh aithreachas air: “Is sagart tú go brách de réir ord Mheilcizidic.”

[5]Tá an Tiarna ina sheasamh ar do dheis; déanfaidh sé smionagar de ríthe lá na feirge.

[6]Tabharfaidh sé breithiúnas ar na náisiúin, déanfaidh sé carn de chonablaigh; brisfidh sé cinn urra go fada fairsing.

[7]Ólfaidh sé as an sruth cois bóthair; agus dá bhrí sin tógfaidh sé a cheann.

Salmo 111

As obras magníficas de Deus

[1] Aleluia! De todo o coração renderei graças ao SENHOR, na companhia dos justos e na assembléia.

[2] Grandes são as obras do SENHOR, consideradas por todos os que nelas se comprazem.

[3] Em suas obras há glória e majestade, e a sua justiça permanece para sempre.

[4] Ele fez memoráveis as suas maravilhas; benigno e misericordioso é o SENHOR.

[5] Dá sustento aos que o temem; lembrar-se-á sempre da sua aliança.

Salm 111

Móroibreacha an Tiarna
Salm Aibítreach

[1]*Alleluia.* Gabhfaidh mé buíochas le Dia ó chroí, i gcomhdháil agus i gcomhthionól na bhfíréan.

[2]Is éachtach iad oibreacha an Tiarna, inscrúdaithe do chách a charann iad.

[3]Is oirirc ollásach iad a oibreacha, agus maireann a fhíréantacht go brách.

[4]Tugann sé orainn cuimhneamh ar a éachtaí; is trócaireach grámhar é an Tiarna.

[5]Beathaíonn sé an mhuintir ar a mbíonn a eagla; cuimhneoidh sé de shíor ar a chonradh.

[6] Manifesta ao seu povo o poder das suas obras, dando-lhe a herança das nações.

[7] As obras de suas mãos são verdade e justiça; fiéis, todos os seus preceitos.
[8] Estáveis são eles para todo o sempre, instituídos em fidelidade e retidão.
[9] Enviou ao seu povo a redenção; estabeleceu para sempre a sua aliança; santo e tremendo é o seu nome.
[10] O temor do SENHOR é o princípio da sabedoria; revelam prudência todos os que o praticam. O seu louvor permanece para sempre.

Salmo 112

Promessa da vida futura aos piedosos

[1] Aleluia! Bem-aventurado o homem que teme ao SENHOR e se compraz nos seus mandamentos.
[2] A sua descendência será poderosa na terra; será abençoada a geração dos justos.

[3] Na sua casa há prosperidade e riqueza, e a sua justiça permanece para sempre.

[4] Ao justo, nasce luz nas trevas; ele é benigno, misericordioso e justo.
[5] Ditoso o homem que se compadece e empresta; ele defenderá a sua causa em juízo;
[6] não será jamais abalado; será tido em memória eterna.
[7] Não se atemoriza de más notícias; o seu coração é firme, confiante no SENHOR.

[6]D'fhoilsigh sé cumhacht a bheart dá phobal, nuair a thug sé dóibh oidhreacht na náisiún.
[7]Is dílis agus is cóir iad a oibreacha; is daingean iad a aitheanta go léir.
[8]Maireann siad go buan agus go brách; rinneadh iad le fíréantacht is le fírinne.
[9]Rinne sé a phobal a fhuascailt, agus bhunaigh sé a chonradh go brách. Is naofa a ainm agus is creathnach.

[10]Is é tús na heagna eagla Dé - is ciallmhar iad lucht a adhartha; mairfidh a mholadh go brách.

Salm 112

Aoibhneas an Fhíréin
Salm Aibítreach

[1]*Alleluia.* Is aoibhinn don fhear ar a mbíonn eagla an Tiarna; a thugann taitneamh dá aitheanta uile.
[2]Beidh a shliocht siúd go tréan ar talamh; is beannaithe clann an duine ionraic.
[3]Beidh maoin is maitheas ina theaghlach; mairfidh a fhíréantacht go brách is choíche.
[4]Bíonn ina sholas sa dorchacht don dea-dhuine; is trócaireach é, is fial, is ionraic.

[5]Bíonn an dea-dhuine carthanach fial lena chuid; riarann sé a ghnó go ceart onórach.

[6]Ní chorrófar an fíréan choíche; mairfidh a chuimhne go brách na breithe.
[7]Ní chuirfidh drochscéala eagla air; is daingean a chroí, is é an Tiarna a dhóchas.

[8] O seu coração, bem firmado, não teme, até ver cumprido, nos seus adversários, o seu desejo.

[9] Distribui, dá aos pobres; a sua justiça permanece para sempre, e o seu poder se exaltará em glória.

[10] O perverso vê isso e se enraivece; range os dentes e se consome; o desejo dos perversos perecerá.

[8]Is dílis daingean a chroí gan eagla; feicfidh sé a naimhde á dtreascairt.

[9]Dáileann sé a chuid go fial ar lucht an ghátair; maireann a fhéile go brách agus choíche. Tógfar a cheann, ardófar a chumhacht go glórmhar.

[10]Feicfidh an peacach agus beidh sé ar buile. Bainfidh sé dioscán as a fhiacla agus leáfaidh sé; agus meathfaidh mian an urchóidigh.

Salmo 113

O Senhor, o maior e mais digno objeto de louvor

[1] Aleluia! Louvai, servos do SENHOR, louvai o nome do SENHOR.

[2] Bendito seja o nome do SENHOR, agora e para sempre.

[3] Do nascimento do sol até ao ocaso, louvado seja o nome do SENHOR.

[4] Excelso é o SENHOR, acima de todas as nações, e a sua glória, acima dos céus.

[5] Quem há semelhante ao SENHOR, nosso Deus, cujo trono está nas alturas,

[6] que se inclina para ver o que se passa no céu e sobre a terra?

[7] Ele ergue do pó o desvalido e do monturo, o necessitado,

[8] para o assentar ao lado dos príncipes, sim, com os príncipes do seu povo.

[9] Faz que a mulher estéril viva em família e seja alegre mãe de filhos. Aleluia!

Salm 113

Moladh le hAinm Dé

[1]*Alleluia*. Tugaigí moladh, a lucht freastail an Tiarna; molaigí ainm an Tiarna!

[2]Moladh le hainm an Tiarna i láthair na huaire agus choíche!

[3]Ó éirí go luí na gréine, go raibh ainm an Tiarna á mholadh!

[4]Tá an Tiarna os cionn na gciníocha uile, agus a ghradam os cionn na bhflaitheas.

[5]Cé is cosúil leis an Tiarna, ár nDia; atá ina shuí ar a ríchathaoir in airde?

[6]Cromann sé ó na harda anuas chun féachaint ar neamh agus ar talamh.

[7]Tógann sé an t-íseal aníos as an deannach; ardaíonn sé den charn aoiligh an duine dealbh,

[8]á chur ina shuí i bhfochair a phrionsaí, ar aon chéim le prionsaí a phobail.

[9]Tugann sé sliocht sa teach don bhean gan leanbh; go mbíonn ina máthair chlainne faoi áthas.

Salmo 114

As maravilhas do êxodo

Salm 114

Imirce Iosrael as an Éigipt

[1] Quando saiu Israel do Egito, e a casa de Jacó, do meio de um povo de língua estranha,
[2] Judá se tornou o seu santuário, e Israel, o seu domínio.
[3] O mar viu isso e fugiu; o Jordão tornou atrás.
[4] Os montes saltaram como carneiros, e as colinas, como cordeiros do rebanho.
[5] Que tens, ó mar, que assim foges? E tu, Jordão, para tornares atrás?
[6] Montes, por que saltais como carneiros? E vós, colinas, como cordeiros do rebanho?
[7] Estremece, ó terra, na presença do SENHOR, na presença do Deus de Jacó,
[8] o qual converteu a rocha em lençol de água e o seixo, em manancial.

[1]*Alleluia.* Nuair a tháinig Iosrael as an Éigipt amach, teaghlach Iacóib ón bpobal barbartha,
[2]rinneadh sanctóir an Tiarna de Iúdá, agus tharla Iosrael ina ríocht aige.
[3]Chonaic an mhuir agus theith sí; agus chas an Iordáin ar ais.
[4]Ghabh na sléibhte ag léimneach amhail reithí, agus na cnocáin ar nós uan óg.
[5]Cad fáth, a mhuir, go dteitheann tú? Cad chuige duit, a Iordáin, casadh ar ais?
[6]Cad fáth a léimeann sibh, a shléibhte amhail reithí, agus a chnocána, ar nós uan óg?
[7]Bí ar crith, a thalaimh, i láthair an Tiarna; creathnaigh i láthair Dhia Iacóib,
[8]a chlaochlaigh an charraig ina linn, agus an aill ina foinse uisce.

Salmo 115

Honras somente a Deus

[1] Não a nós, SENHOR, não a nós, mas ao teu nome dá glória, por amor da tua misericórdia e da tua fidelidade.
[2] Por que diriam as nações: Onde está o Deus deles?
[3] No céu está o nosso Deus e tudo faz como lhe agrada.
[4] Prata e ouro são os ídolos deles, obra das mãos de homens.
[5] Têm boca e não falam; têm olhos e não vêem;
[6] têm ouvidos e não ouvem; têm nariz e não cheiram.

Salm 115

Ollchumhacht agus Ollmhaitheas Dé

[1]Ní dúinne, a Thiarna, ní dúinne, ach do d'ainmse is dleacht an moladh as ucht do bhuanghrá agus d'fhírinne.
[2]Cad fáth a ndeir na ciníocha "Cá bhfuil a nDia?"
[3]Is ar neamh atá ár nDiana; gach uile ní is áil leis, déanann sé é.
[4]Ór agus airgead a n-íolasan, agus saothar láimhe an duine.
[5]Tá béal acu ach ní fhéadann siad labhairt; tá súile acu ach ní fheiceann siad dada.
[6]Tá cluasa orthu ach ní chluineann siad dada; tá sróna acu ach ní bhfaigheann siad boladh.

[7] Suas mãos não apalpam; seus pés não andam; som nenhum lhes sai da garganta.

[8] Tornem-se semelhantes a eles os que os fazem e quantos neles confiam.

[9] Israel confia no SENHOR; ele é o seu amparo e o seu escudo.

[10] A casa de Arão confia no SENHOR; ele é o seu amparo e o seu escudo.

[11] Confiam no SENHOR os que temem o SENHOR; ele é o seu amparo e o seu escudo.

[12] De nós se tem lembrado o SENHOR; ele nos abençoará; abençoará a casa de Israel, abençoará a casa de Arão.

[13] Ele abençoa os que temem o SENHOR, tanto pequenos como grandes.

[14] O SENHOR vos aumente bênçãos mais e mais, sobre vós e sobre vossos filhos.

[15] Sede benditos do SENHOR, que fez os céus e a terra.

[16] Os céus são os céus do SENHOR, mas a terra, deu-a ele aos filhos dos homens.

[17] Os mortos não louvam o SENHOR, nem os que descem à região do silêncio.

[18] Nós, porém, bendiremos o SENHOR, desde agora e para sempre. Aleluia!

Salmo 116

Salmo de ações de graças

[1] Amo o SENHOR, porque ele ouve a minha voz e as minhas súplicas.

[7]Tá lámha acu ach ní láimhsíonn siad aon ní; tá cosa acu ach ní thig leo siúl; ní thagann aon ghlór óna scornach.

[8]Is ionann cás do lucht a ndéanta agus do chách a chuireann a ndóchas iontu.

[9]Tá dóchas chlann Iosrael sa Tiarna; is é is cabhair agus is sciath dóibh.

[10]Tá dóchas chlann Árón sa Tiarna is é is cabhair agus is sciath dóibh.

[11]Cuireann lucht eagla an Tiarna a ndóchas ann; is é is cabhair agus is sciath dóibh.

[12]Is cuimhin leis an Tiarna sinn; beannóidh sé sinn; beannóidh sé clann Iosrael agus clann Árón.

[13]Beannóidh sé lucht eagla an Tiarna, idir mhion agus mhór in éineacht.

[14]Méadóidh an Tiarna i gcónaí sibh, sibhse agus bhur gclann go léir.

[15]Go raibh beannacht an Tiarna anuas oraibh ón té a rinne neamh agus talamh.

[16]Is leis an Tiarna amháin na flaithis; ach thug sé an talamh don duine.

[17]Ní hiad na mairbh a thabharfaidh moladh don Tiarna, ná an drong a ghabhann síos san uaigh.

[18]Ach tabharfaimidne moladh don Tiarna, anois agus go brách na breithe.

Salm 116

Altú Buíochais

[1]*Alleluia*

A

Tugaim grá agus taitneamh don Tiarna, toisc gur éist sé le mo ghuí;

[2] Porque inclinou para mim os seus ouvidos, invocá-lo-ei enquanto eu viver.

[3] Laços de morte me cercaram, e angústias do inferno se apoderaram de mim; caí em tribulação e tristeza.

[4] Então, invoquei o nome do SENHOR: ó SENHOR, livra-me a alma.

[5] Compassivo e justo é o SENHOR; o nosso Deus é misericordioso.

[6] O SENHOR vela pelos simples; achava-me prostrado, e ele me salvou.

[7] Volta, minha alma, ao teu sossego, pois o SENHOR tem sido generoso para contigo.

[8] Pois livraste da morte a minha alma, das lágrimas, os meus olhos, da queda, os meus pés.

[9] Andarei na presença do SENHOR, na terra dos viventes.

[10] Eu cria, ainda que disse: estive sobremodo aflito.

[11] Eu disse na minha perturbação: todo homem é mentiroso.

[12] Que darei ao SENHOR por todos os seus benefícios para comigo?

[13] Tomarei o cálice da salvação e invocarei o nome do SENHOR.

[14] Cumprirei os meus votos ao SENHOR, na presença de todo o seu povo.

[15] Preciosa é aos olhos do SENHOR a morte dos seus santos.

[16] SENHOR, deveras sou teu servo, teu servo, filho da tua serva; quebraste as minhas cadeias.

[2]toisc gur chrom sé chugam a chluas, nuair a ghaireas air.

[3]Bhí dola an bháis i mo thimpeall, agus pianpháis na huaighe; casadh anró agus anacair i mo threo.

[4]Ghlaoigh mé ar ainm an Tiarna. “A Thiarna, fóir ar m'anam!”

[5]Is ceansa an Tiarna agus is cóir; is trócaireach é ár nDia.

[6]Caomhnaíonn sé an dream gan chealg; bhí mé ar lár agus shaor sé mé.

[7]Glac do shuaimhneas arís, a anam liom, mar roinn an Tiarna go maith leat.

[8]Óir sciob sé m'anam ón mbás, agus mo shúile ó dheora, agus mo chosa ó thuisliú.

[9]Beidh mé ag siúl i láthair an Tiarna; i bhfearann na mbeo.

B

[10]Bhí muinín agam fiú amháin nuair a dúirt mé: “Tá mé buartha go mór.”

[11]Nuair a dúirt mé le corp eagla: “Is bréagach gach aon neach.”

[12]Cén cúiteamh a dhéanfaidh mé leis an Tiarna ina ndearna sé dom?

[13]Glacfaidh mé cupán an tslánaithe, gairfidh mé ainm an Tiarna.

[14]Díolfaidh mé mo mhóideanna leis an Tiarna i bhfianaise a phobail.

[15]Is luachmhar i láthair an Tiarna bás a fhíréan.

[16]Is mise do ghiolla, a Thiarna, sea, is mac do chailín aimsire; scaoil tú mo chuibhreacha.

[17] Oferecer-te-ei sacrifícios de ações de graças e invocarei o nome do SENHOR.
[18] Cumprirei os meus votos ao SENHOR, na presença de todo o seu povo,
[19] nos átrios da Casa do SENHOR, no meio de ti, ó Jerusalém. Aleluia!

Salmo 117

Todos os povos devem louvar ao Senhor

[1] Louvai ao SENHOR, vós todos os gentios, louvai-o, todos os povos.
[2] Porque mui grande é a sua misericórdia para conosco, e a fidelidade do SENHOR subsiste para sempre. Aleluia!

Salmo 118

A alegria dos justos pelo Salvador

[1] Rendei graças ao SENHOR, porque ele é bom, porque a sua misericórdia dura para sempre.
[2] Diga, pois, Israel: Sim, a sua misericórdia dura para sempre.
[3] Diga, pois, a casa de Arão: Sim, a sua misericórdia dura para sempre.
[4] Digam, pois, os que temem ao SENHOR: Sim, a sua misericórdia dura para sempre.
[5] Em meio à tribulação, invoquei o SENHOR, e o SENHOR me ouviu e me deu folga.
[6] O SENHOR está comigo; não temerei. Que me poderá fazer o homem?
[7] O SENHOR está comigo entre os que me ajudam; por isso, verei cumprido o meu desejo nos que me odeiam.
[8] Melhor é buscar refúgio no SENHOR do que confiar no homem.

[17]Ofrálfaidh mé íobairt an bhuíochais duit; gairfidh mé ainm an Tiarna.
[18]Díolfaidh mé mo mhóideanna leis an Tiarna i bhfianaise a phobail,
[19]i gcúirteanna áras an Tiarna i gceartlár Iarúsailéim.

Salm 117

Glóircheadal na gCiníocha

[1]*Alleluia.* Molaigí an Tiarna, a chiníocha uile; moladh na náisiúin go léir é.
[2]Óir is daingean é go deimhin, a bhuanghrá dúinn; maireann a dhílseacht go brách.

Salm 118

Iomann Buíochais don Tiarna

[1]*Alleluia.* Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é; agus go maireann a bhuanghrá go brách.
[2]Bíodh teaghlach Iosrael á rá: “Maireann a bhuanghrá go brách.”
[3]Bíodh teaghlach Árón á rá: “Maireann a bhuanghrá go brách.”
[4]Abradh an dream lenarb eagal an Tiarna: “Maireann a bhuanghrá go brách.”
[5]Ghair mé ar an Tiarna i mo chruachás; d'fhreagair sé agus shaor sé mé.
[6]Tá an Tiarna i m'fhochair; ní baol dom. Cad a dhéanfaidh an duine dom?
[7]Tá an Tiarna i m'fhochair ag cuidiú liom; beidh mo naimhde romham faoi tháir.
[8]Is fearr dul i muinín an Tiarna ná i muinín an duine.

[9] Melhor é buscar refúgio no SENHOR do que confiar em príncipes.

[10] Todas as nações me cercaram, mas em nome do SENHOR as destruí.

[11] Cercaram-me, cercaram-me de todos os lados; mas em nome do SENHOR as destruí.

[12] Como abelhas me cercaram, porém como fogo em espinhos foram queimadas; em nome do SENHOR as destruí.

[13] Empurraram-me violentamente para me fazer cair, porém o SENHOR me amparou.

[14] O SENHOR é a minha força e o meu cântico, porque ele me salvou.

[15] Nas tendas dos justos há voz de júbilo e de salvação; a destra do SENHOR faz proezas.

[16] A destra do SENHOR se eleva, a destra do SENHOR faz proezas.

[17] Não morrerei; antes, viverei e contarei as obras do SENHOR.

[18] O SENHOR me castigou severamente, mas não me entregou à morte.

[19] Abri-me as portas da justiça; entrarei por elas e renderei graças ao SENHOR.

[20] Esta é a porta do SENHOR; por ela entrarão os justos.

[21] Render-te-ei graças porque me acudiste e foste a minha salvação.

[22] A pedra que os construtores rejeitaram, essa veio a ser a principal pedra, angular;

[23] isto procede do SENHOR e é maravilhoso aos nossos olhos.

[9]Is fearr dul i muinín an Tiarna ná i muinín na bhflatha.

[10]Thimpeallaigh na ciníocha go léir mé; threascair mé in ainm an Tiarna iad.

[11]Chruinnigh siad thart i mo thimpeall; threascair mé in ainm an Tiarna iad.

[12]Chruinnigh siad i mo thimpeall mar bheacha, ina mbladhaire amhail tine i measc driseog; threascair mé in ainm an Tiarna iad.

[13]Teilgeadh síos mé i dtreo is go dtitfinn; ach chuidigh an Tiarna liom.

[14]Is é an Tiarna mo neart is mo mhisneach; is é a thug slán mé.

[15]Cluintear gártha lúcháire is caithréime i mbothanna na bhfíréan. “D'oibrigh deaslámh an Tiarna go tréan;

[16]is i a dheaslámh a d'ardaigh mé. D'oibrigh deaslámh an Tiarna go tréan.”

[17]Ní éagfaidh mé, mairfidh mé; agus inseoidh mé a mhóréachtaí.

[18]Cé gur smachtaigh an Tiarna go dian mé, níor dhaor sé chun báis mé.

[19]Osclaígí dom doirse na fíréantachta; rachaidh mé isteach a thabhairt buíochais.

[20]Seo agaibh doras an Tiarna trína rachaidh na fíréin isteach.

[21]Gabhaim buíochas leat de bhrí gur éist tú liom; agus gur tú mo shlánaitheoir.

[22]An chloch dár dhiúltaigh na saoir, rinne ceann an chúinne di.

[23]Is é an Tiarna a rinne an ní seo, agus is éachtach linn é.

[24] Este é o dia que o SENHOR fez; regozijemo-nos e alegremo-nos nele.
[25] Oh! Salva-nos, SENHOR, nós te pedimos; oh! SENHOR, concede-nos prosperidade!
[26] Bendito o que vem em nome do SENHOR. A vós outros da Casa do SENHOR, nós vos abençoamos.
[27] O SENHOR é Deus, ele é a nossa luz; adornai a festa com ramos até às pontas do altar.
[28] Tu és o meu Deus, render-te-ei graças; tu és o meu Deus, quero exaltar-te.
[29] Rendei graças ao SENHOR, porque ele é bom, porque a sua misericórdia dura para sempre.

Salmo 119

Excelência da lei divina

[1] Bem-aventurados os irrepreensíveis no seu caminho, que andam na lei do SENHOR.
[2] Bem-aventurados os que guardam as suas prescrições e o buscam de todo o coração;
[3] não praticam iniqüidade e andam nos seus caminhos.
[4] Tu ordenaste os teus mandamentos, para que os cumpramos à risca.
[5] Tomara sejam firmes os meus passos, para que eu observe os teus preceitos.
[6] Então, não terei de que me envergonhar, quando considerar em todos os teus mandamentos.

[24]Is é seo an lá a rinne an Tiarna; bíodh áthas is gliondar orainn.
[25]Fóir orainn, achainímid, a Thiarna; a Thiarna, go n-éirí linn!
[26]Is beannaithe in ainm an Tiarna an té atá le teacht. Beannaímid sibh as teach an Tiarna.
[27]Sé an Tiarna Dia ár solas. Gabhaigí ar aghaidh i mórshiúl le craobhacha go beanna na haltóra.
[28]Is tú mo Dhia, gabhaim buíochas leat; móraim thú, a Dhia.
[29]Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é; maireann a bhuanghrá go brách.

Salm 119

Dlí an Tiarna
Aleph

[1]Is aoibhinn a mbíonn a slí gan mháchail, a shiúlann i ndlí an Tiarna.
[2]Is aoibhinn dá gcoimeádann a fhorálacha, á lorg ó lanchroí.
[3]An mhuintir nach ndéanann urchóid; ach a shiúlann ina shlite.
[4]Thug tú do phroiceapta dúinn go gcomhlíonfaí go beacht iad.
[5]Nár mhéanar mo shlite a bheith go daingean, d'fhonn do reachtanna a choimeád.
[6]Ní dhéanfar mo náiriú nuair a ghéillfidh mé do d'aitheanta uile.

[7] Render-te-ei graças com integridade de coração, quando tiver aprendido os teus retos juízos.

[8] Cumprirei os teus decretos; não me desampares jamais.

[9] De que maneira poderá o jovem guardar puro o seu caminho? Observando-o segundo a tua palavra.

[10] De todo o coração te busquei; não me deixes fugir aos teus mandamentos.

[11] Guardo no coração as tuas palavras, para não pecar contra ti.

[12] Bendito és tu, SENHOR; ensina-me os teus preceitos.

[13] Com os lábios tenho narrado todos os juízos da tua boca.

[14] Mais me regozijo com o caminho dos teus testemunhos do que com todas as riquezas.

[15] Meditarei nos teus preceitos e às tuas veredas terei respeito.

[16] Terei prazer nos teus decretos; não me esquecerei da tua palavra.

[17] Sê generoso para com o teu servo, para que eu viva e observe a tua palavra.

[18] Desvenda os meus olhos, para que eu contemple as maravilhas da tua lei.

[19] Sou peregrino na terra; não escondas de mim os teus mandamentos.

[20] Consumida está a minha alma por desejar, incessantemente, os teus juízos.

[7]Molfaidh mé thú le dílseacht chroí ag foghlaim d'fhoraitheanta dom.

[8]Déanfaidh mé de réir do reachtanna; ná tréig mé ar fad.

Beth

[9]Conas a mhairfidh an t-ógánach go glan, ach le d'aitheanta a chomhlíonadh?

[10]Iarraim thú le mo chroí go hiomlán; nár imí mé ó d'aitheanta.

[11]Cuirim do bhriathar i bhfolach i mo chroí; sula ndéanfainn peaca ort.

[12]Is beannaithe atá tú, a Thiarna; múin do reachtanna dom.

[13]Is amhlaidh a d'admhaigh mé le mo bhruasa foraitheanta uile do bhéil.

[14]Gairdím i slí d'fhorálacha amhail san uile shaibhreas.

[15]Déanfaidh mé machnamh ar do theagasc; agus breithneoidh mé do shlite.

[16]Tabharfaidh mé taitneamh do do reachtanna; ní dhéanfad dearmad ar do bhriathra.

Gimel

[17]Bí go maith le do ghiolla le go mairfidh mé, agus go gcoimeádfaidh mé do bhriathra.

[18]Oscail mo shúile chun go bhfeicfidh mé iontais uile do dhlí.

[19]Táim i mo dheoraí ar talamh; ná ceil orm d'aitheanta.

[20]Bíonn m'anam ag meirtniú de shíor, is é ag tnúth le d'fhoraitheanta.

[21] Increpaste os soberbos, os malditos, que se desviam dos teus mandamentos.

[22] Tira de sobre mim o opróbrio e o desprezo, pois tenho guardado os teus testemunhos.

[23] Assentaram-se príncipes e falaram contra mim, mas o teu servo considerou nos teus decretos.

[24] Com efeito, os teus testemunhos são o meu prazer, são os meus conselheiros.

[25] A minha alma está apegada ao pó; vivifica-me segundo a tua palavra.

[26] Eu te expus os meus caminhos, e tu me valeste; ensina-me os teus decretos.

[27] Faze-me atinar com o caminho dos teus preceitos, e meditarei nas tuas maravilhas.

[28] A minha alma, de tristeza, verte lágrimas; fortalece-me segundo a tua palavra.

[29] Afasta de mim o caminho da falsidade e favorece-me com a tua lei.

[30] Escolhi o caminho da fidelidade e decidi-me pelos teus juízos.

[31] Aos teus testemunhos me apego; não permitas, SENHOR, seja eu envergonhado.

[32] Percorrerei o caminho dos teus mandamentos, quando me alegrares o coração.

[33] Ensina-me, SENHOR, o caminho dos teus decretos, e os seguirei até ao fim.

[34] Dá-me entendimento, e guardarei a tua lei; de todo o coração a cumprirei.

[21]Lochtaigh tú na huaibhrigh agus na mallachtaigh a chuaigh ar seachrán ó d'aitheanta.

[22]Tóg uaim tarcaisne agus aithis toisc go nglacaim le do theagasc.

[23]Cé go dtéann prionsaí i ndáil chomhairle i m'éadan, bím ag machnamh ar do reachtanna.

[24]Óir is iad d'fhorálacha m'aoibhneas; is iad do reachtanna mo chomhairleoirí.

Daleth

[25]Tá m'anam ar lár sa luaithreach; athbheoigh mé le do bhriathar.

[26]Mhínigh mé mo shlite, agus d'éist tú liom; múin do reachtanna dom.

[27]Tabhair treoir dom i slí do phroiceapt, agus déanfaidh mé machnamh ar d'iontais.

[28]Bíonn m'anam ag sileadh deor le neart bróin; tabhair misneach dom le do bhriathar.

[29]Coinnigh mé ó shlí na hearráide, agus tabhair dom do dhlí.

[30]Rinne mé rogha de shlí na fírinne; chuir mé d'aitheanta os mo chomhair.

[31]Bím ag cloí de shíor le d'fhorálacha; ná clis orm, a Thiarna.

[32]Rithfidh mé ar shlí d'aitheanta; nuair a cheansóidh tú mo chroí.

Hé

[33]Múin dom slí do reachtanna, a Thiarna; agus comhlíonfaidh mé go cruinn iad.

[34]Déan mo theagasc d'fhonn do dhlí a chomhlíonadh agus a choimeád ó chroí.

[35] Guia-me pela vereda dos teus mandamentos, pois nela me comprazo.

[36] Inclina-me o coração aos teus testemunhos e não à cobiça.

[37] Desvia os meus olhos, para que não vejam a vaidade, e vivifica-me no teu caminho.

[38] Confirma ao teu servo a tua promessa feita aos que te temem.

[39] Afasta de mim o opróbrio, que temo, porque os teus juízos são bons.

[40] Eis que tenho suspirado pelos teus preceitos; vivifica-me por tua justiça.

[41] Venham também sobre mim as tuas misericórdias, SENHOR, e a tua salvação, segundo a tua promessa.

[42] E saberei responder aos que me insultam, pois confio na tua palavra.

[43] Não tires jamais de minha boca a palavra da verdade, pois tenho esperado nos teus juízos.

[44] Assim, observarei de contínuo a tua lei, para todo o sempre.

[45] E andarei com largueza, pois me empenho pelos teus preceitos.

[46] Também falarei dos teus testemunhos na presença dos reis e não me envergonharei.

[47] Terei prazer nos teus mandamentos, os quais eu amo.

[48] Para os teus mandamentos, que amo, levantarei as mãos e meditarei nos teus decretos.

[35]Treoraigh mé ar chosán d'aitheanta, óir is ann atá mo thaitneamh.

[36]Claon mo chroí i leith d'fhorálacha; agus ná claon chun sainte é.

[37]Iompaigh mo shúile chun nach bhfeicfidh siad díomhaointeas; déan mo bheochan trí do shlíse.

[38]Cuir le do ghealltanas do do ghiolla; le go mbeadh eagla ar a thuilleadh romhat.

[39]Coinnigh i bhfad uaim an aithis is eagal liom, óir is aoibhinn iad d'fhoraitheanta.

[40]Féach, is mian liom do phroiceapta; tabhair dom an bheatha i d'fhíréantacht.

Vau

[41]Go dtaga do bhuanghrá orm, a Thiarna, agus do chabhair de réir do ghealltanais.

[42]Tabharfaidh mé freagra ar lucht mo cháinte; toisc gur muinín liom do bhriathar.

[43]Focal na fírinne ná bain as mo bhéal; cuirim mo dhóchas i d'fhoraitheanta.

[44]Agus coimeádfaidh mé do dhlí de shíor, go brách na breithe.

[45]Siúlfaidh mé i slí na saoirse, mar táim ar lorg do theagaisc.

[46]Inseoidh mé d'fhorálacha i láthair ríthe; ní bheidh cotadh ar bith orm.

[47]Is i d'aitheanta a bheidh mo thaitneamh ós dóibh a thugaim grá.

[48]Agus tógfaidh mé mo lámha chun d'aitheanta; déanfaidh mé machnamh ar do reachtanna.

Zain

[49] Lembra-te da promessa que fizeste ao teu servo, na qual me tens feito esperar.

[49]Bí ag cuimhneamh ar do bhriathra do do ghiolla; lenar thug tú dóchas dom.

[50] O que me consola na minha angústia é isto: que a tua palavra me vivifica.

[50]Is é mo shólás le linn mo bhuartha, gurb é do bhriathar a bheoigh mé.

[51] Os soberbos zombam continuamente de mim; todavia, não me afasto da tua lei.

[51]Maslaíonn lucht an díomais mé go díocasach: ach ní chlaonaim ó do dhlí.

[52] Lembro-me dos teus juízos de outrora e me conforto, ó SENHOR.

[52]Cuimhním ar do bhreitheanna ársa, a Thiarna; agus tugann siad sólás dom.

[53] De mim se apoderou a indignação, por causa dos pecadores que abandonaram a tua lei.

[53]Gabhann fearg mé de bharr na bpeacach a bhíonn ag tréigean do dhlí.

[54] Os teus decretos são motivo dos meus cânticos, na casa da minha peregrinação.

[54]Bíonn do reachtanna ina n-amhrán agam, in áit mo dheoraíochta.

[55] Lembro-me, SENHOR, do teu nome, durante a noite, e observo a tua lei.

[55]Cuimhním ar d'ainm de shiúl oíche, a Thiarna; agus coimeádaim do dhlí.

[56] Tem-se dado assim comigo, porque guardo os teus preceitos.

[56]Is amhlaidh a chuirfidh sé seo le mo chlú, gur choinnigh mé do phroiceapta.

Heth

[57] O SENHOR é a minha porção; eu disse que guardaria as tuas palavras.

[57]Dúirt mé, a Thiarna, gurb í mo chuid do bhriathra a choimeád.

[58] Imploro de todo o coração a tua graça; compadece-te de mim, segundo a tua palavra.

[58]Guím thú ó mo chroí go hiomlán: déan trócaire orm de réir mar gheall tú.

[59] Considero os meus caminhos e volto os meus passos para os teus testemunhos.

[59]Rinne mé mo shlite a mheas, agus d'fhill mé ar d'fhorálacha.

[60] Apresso-me, não me detenho em guardar os teus mandamentos.

[60]Bhrostaigh mé is ní dhearna mé moill, chun d'aitheanta a chomhlíonadh.

[61] Laços de perversos me enleiam; contudo, não me esqueço da tua lei.

[61]Chrioslaigh téada lucht na hurchóide mé; níor dhearmad mé do dhlí.

[62] Levanto-me à meia-noite para te dar graças, por causa dos teus retos juízos.

[62]Éirim um mheán oíche do do cheiliúradh, mar gheall ar d'fhoraitheanta córa.

[63] Companheiro sou de todos os que te temem e dos que guardam os teus preceitos.

[63]Is cara mé do chách ar a mbíonn do eagla, agus a choimeádann do phroiceapta.

[64] A terra, SENHOR, está cheia da tua bondade; ensina-me os teus decretos.

[64]Tá an talamh lán de do bhuanghrá, a Thiarna; múin dom do reachtanna.

Teth

[65] Tens feito bem ao teu servo, SENHOR, segundo a tua palavra.

[65]Chaith tú go maith le do ghiolla, a Thiarna, de réir do bhriathair.

[66] Ensina-me bom juízo e conhecimento, pois creio nos teus mandamentos.

[66]Múin dom eagna agus eolas; tá mo dhóchas i d'aitheanta.

[67] Antes de ser afligido, andava errado, mas agora guardo a tua palavra.

[67]Sular crádh mé chuaigh mé ar seachrán; ach anois coimeádaim do bhriathar.

[68] Tu és bom e fazes o bem; ensina-me os teus decretos.

[68]Is maith tú, is fial tú agus is flaithiúil; múin dom do reachtanna.

[69] Os soberbos têm forjado mentiras contra mim; não obstante, eu guardo de todo o coração os teus preceitos.

[69]Beartaíonn na díomasaigh cealg i mo choinne; ach comhlíonaimse do phroiceapta.

[70] Tornou-se-lhes o coração insensível, como se fosse de sebo; mas eu me comprazo na tua lei.

[70]Ramhraigh a gcroí ar nós blonaige; faighimse mo thaitneamh i do dhílseacht.

[71] Foi-me bom ter eu passado pela aflição, para que aprendesse os teus decretos.

[71]Is méanar dom go raibh mé do mo chrá; ionas go bhfoghlaimeoinn do reachtanna.

[72] Para mim vale mais a lei que procede de tua boca do que milhares de ouro ou de prata.

[72]Is fearr liom go mór fada dlí do bhéilse ná na mílte d'ór agus d'airgead.

Iód

[73] As tuas mãos me fizeram e me afeiçoaram; ensina-me para que aprenda os teus mandamentos.

[73]Do lámha a rinne agus a chruthaigh mé; múin dom d'aitheanta a fhoghlaim.

[74] Alegraram-se os que te temem quando me viram, porque na tua palavra tenho esperado.

[74]Feicfidh d'aos eagla agus gairdeoidh siad, toisc gur muinín liom do bhriathar.

[75] Bem sei, ó SENHOR, que os teus juízos são justos e que com fidelidade me afligiste.

[75]Tuigim, a Thiarna, gur cóir iad d'fhoraitheanta; agus gur le barr dílseachta a chráigh tú mé.

[76] Venha, pois, a tua bondade consolar-me, segundo a palavra que deste ao teu servo.

[76]Bíodh do bhuanghrá ina ábhar sóláis dom, mar a gheall tú do do ghiolla.

[77] Baixem sobre mim as tuas misericórdias, para que eu viva; pois na tua lei está o meu prazer.
[78] Envergonhados sejam os soberbos por me haverem oprimido injustamente; eu, porém, meditarei nos teus preceitos.
[79] Voltem-se para mim os que te temem e os que conhecem os teus testemunhos.
[80] Seja o meu coração irrepreensível nos teus decretos, para que eu não seja envergonhado.
[81] Desfalece-me a alma, aguardando a tua salvação; porém espero na tua palavra.
[82] Esmorecem os meus olhos de tanto esperar por tua promessa, enquanto digo: quando me haverás de consolar?
[83] Já me assemelho a um odre na fumaça; contudo, não me esqueço dos teus decretos.
[84] Quantos vêm a ser os dias do teu servo? Quando me farás justiça contra os que me perseguem?
[85] Para mim abriram covas os soberbos, que não andam consoante a tua lei.
[86] São verdadeiros todos os teus mandamentos; eles me perseguem injustamente; ajuda-me.
[87] Quase deram cabo de mim, na terra; mas eu não deixo os teus preceitos.
[88] Vivifica-me, segundo a tua misericórdia, e guardarei os testemunhos oriundos de tua boca.

[77]Bíodh trua agat dom agus mairfidh mé, óir is aoibhinn liom do dhlí.
[78]Go gclise ar na huaibhrigh atá do mo chrá gan ábhar agus mé ag machnamh ar do phroiceapta.
[79]Go n-iompaítear chugam an dream lenarb eagal tú, a thugann aire do d'fhorálacha.
[80]Go raibh mo chroí go foirfe i do reachtanna, ionas nach bhfaighinn mo náiriú.

Caph

[81]Bíonn m'anam ag tnúth le do shlánú; cuirim mo dhóchas i do bhriathar.
[82]Meathann mo shúile le dúil i do ghealltanas; cathain a tabharfaidh tú sólás dom?
[83]Cé gur cosúil mé le buidéal leathair sa deatach, níor dhearmad mé do reachtanna.
[84]Cá líon laethanta do ghiolla? Cathain a chiontóidh tú mo ghéarleantóirí?
[85]Thochail na huaibhrigh claiseanna dom, in aghaidh do dhlí.
[86]Is fíor iad do phroiceapta uile - fóir orm; déantar mo chrá gan chúis.
[87]Cé gur beag nár cuireadh deireadh liom ar talamh, níor thréig mé d'aitheanta.
[88]Tabhair an bheatha dom de réir do thrócaire; agus coimeádfaidh mé d'fhorálacha.

Lamed

[89] Para sempre, ó SENHOR, está firmada a tua palavra no céu.

[90] A tua fidelidade estende-se de geração em geração; fundaste a terra, e ela permanece.

[91] Conforme os teus juízos, assim tudo se mantém até hoje; porque ao teu dispor estão todas as coisas.

[92] Não fosse a tua lei ter sido o meu prazer, há muito já teria eu perecido na minha angústia.

[93] Nunca me esquecerei dos teus preceitos, visto que por eles me tens dado vida.

[94] Sou teu; salva-me, pois eu busco os teus preceitos.

[95] Os ímpios me espreitam para perder-me; mas eu atento para os teus testemunhos.

[96] Tenho visto que toda perfeição tem seu limite; mas o teu mandamento é ilimitado.

[97] Quanto amo a tua lei! É a minha meditação, todo o dia!

[98] Os teus mandamentos me fazem mais sábio que os meus inimigos; porque, aqueles, eu os tenho sempre comigo.

[99] Compreendo mais do que todos os meus mestres, porque medito nos teus testemunhos.

[100] Sou mais prudente que os idosos, porque guardo os teus preceitos.

[101] De todo mau caminho desvio os pés, para observar a tua palavra.

[89]Maireann do bhriathar go brách, a Thiarna, chomh daingean le neamh.

[90]Maireann d'fhírinne go dtí an uile ghlúin, mar an talamh a bhunaigh tú.

[91]Maireann siad go buan de réir do reachtanna; fónann gach aon ní duit.

[92]Murach gurb aoibhinn liom do dhlí, gheobhainn bás i m'ainnise.

[93]Go deo ní dhéanfaidh mé dearmad ar do phroiceapta, óir is leo a thug tú beatha dom.

[94]Is leat mé; déan mé a tharrtháil, toisc go lorgaim do phroiceapta.

[95]Tá na peacaigh ag fanacht liom d'fhonn mo mhillte; ach tugaim d'fhorálacha do m'aire.

[96]Is eol dom go bhfuil críoch le gach foirfeacht; ach gur fada fairsing í d'aithne.

Mem

[97]A, nach aoibhinn liom do dhlí, a Thiarna; is ábhar machnaimh dom de shíor é.

[98]Rinne d'aithne níos críonna ná m'eascairde mé; óir bíonn sí in éineacht liom de shíor.

[99]Is críonna mé ná lucht mo mhúinte go léir, toisc go machnaím ar d'fhorálacha.

[100]Is mó mo thuiscintse ná tuiscint na seanóirí; óir comhlíonaim do phroiceapta.

[101]Tugaim ar mo chosa gach drochshlí a sheachaint, d'fhonn do bhriathra a choimeád.

[102] Não me aparto dos teus juízos, pois tu me ensinas.

[103] Quão doces são as tuas palavras ao meu paladar! Mais que o mel à minha boca.

[104] Por meio dos teus preceitos, consigo entendimento; por isso, detesto todo caminho de falsidade.

[105] Lâmpada para os meus pés é a tua palavra e, luz para os meus caminhos.

[106] Jurei e confirmei o juramento de guardar os teus retos juízos.

[107] Estou aflitíssimo; vivifica-me, SENHOR, segundo a tua palavra.

[108] Aceita, SENHOR, a espontânea oferenda dos meus lábios e ensina-me os teus juízos.

[109] Estou de contínuo em perigo de vida; todavia, não me esqueço da tua lei.

[110] Armam ciladas contra mim os ímpios; contudo, não me desvio dos teus preceitos.

[111] Os teus testemunhos, recebi-os por legado perpétuo, porque me constituem o prazer do coração.

[112] Induzo o coração a guardar os teus decretos, para sempre, até ao fim.

[113] Aborreço a duplicidade, porém amo a tua lei.

[114] Tu és o meu refúgio e o meu escudo; na tua palavra, eu espero.

[115] Apartai-vos de mim, malfeitores; quero guardar os mandamentos do meu Deus.

[102]Ní chlaonaim i leataobh ó d'fhoraitheanta; ós tú a mhúin mé.

[103]Is milse do bhriathra le mo charball; ná mil le mo bhéal.

[104]Faighim tuiscint de bharr do phroiceapta; is gráin liom gach drochshlí.

Nun

[105]Is lóchrann do mo chosa do bhriathar; is solas do mo chosán é.

[106]Mhionnaigh mé agus bheartaigh mé i m'aigne, d'fhoraitheanta a choimeád.

[107]Tá mé buartha go mór, a Thiarna; beoigh mé le do bhriathar.

[108]Glac le hofrálacha mo bhéil, a Thiarna; agus múin dom d'fhoraitheanta.

[109]Bíonn mo bheo i mbaol i gcónaí ach ní dhearmadaim do dhlí.

[110]Chuir na peacaigh gaiste i mo bhealach; ach níor thréig mé do phroiceapta.

[111]Is iad d'fhorálacha mo oidhreacht go brách; cuireann siad áthas ar mo chroí.

[112]Chlaon mé mo chroí chun do reachtanna a chomhlíonadh go beacht agus go brách.

Samek

[113]Is fuath liom an teanga liom leat; ach is geal liom do dhlí.

[114]Is tú mo chaomhnóir agus mo sciath; cuirim mo dhóchas i do bhriathar.

[115]Imígí uaim, a lucht déanta na hurchóide; coimeádfaidh mé aitheanta mo Dhé.

[116] Ampara-me, segundo a tua promessa, para que eu viva; não permitas que a minha esperança me envergonhe.

[117] Sustenta-me, e serei salvo e sempre atentarei para os teus decretos.

[118] Desprezas os que se desviam dos teus decretos, porque falsidade é a astúcia deles.

[119] Rejeitas, como escória, todos os ímpios da terra; por isso, amo os teus testemunhos.

[120] Arrepia-se-me a carne com temor de ti, e temo os teus juízos.

[121] Tenho praticado juízo e justiça; não me entregues aos meus opressores.

[122] Sê fiador do teu servo para o bem; não permitas que os soberbos me oprimam.

[123] Desfalecem-me os olhos à espera da tua salvação e da promessa da tua justiça.

[124] Trata o teu servo segundo a tua misericórdia e ensina-me os teus decretos.

[125] Sou teu servo; dá-me entendimento, para que eu conheça os teus testemunhos.

[126] Já é tempo, SENHOR, para intervires, pois a tua lei está sendo violada.

[127] Amo os teus mandamentos mais do que o ouro, mais do que o ouro refinado.

[128] Por isso, tenho por, em tudo, retos os teus preceitos todos e aborreço todo caminho de falsidade.

[116]Seas liom de réir d'fhocail agus mairfidh mé; ná teipeadh ar mo dhóchas.

[117]Bí i do thaca agam i dtreo is go sábhálfar mé; coimeádfaidh mé do reachtanna go deo.

[118]Is beag ort a n-imíonn ó do reachtanna; toisc gur bréagach a mbeartas.

[119]Is salachar leat peacaigh uile na cruinne; is uime a charaim d'fhorálacha.

[120]Scanraíonn mo cholainn le corp eagla romhat; agus is eagal liom do reachtanna.

Ayin

[121]Chleachtaigh mé an ceart agus an chóir; ná tabhair suas do lucht leatroim mé.

[122]Téigh i mbannaí ar do ghiolla ar mhaithe leis, sula dtreascraí na huaibhrigh mé.

[123]Meathann mo shúile le dúil i do chúnamh, agus i bhfírinne do bhriathair.

[124]Déan le do ghiolla de réir do bhuanghrá, agus múin dom do reachtanna.

[125]Is mé do ghiolla, tabhair teagasc dom, ionas gurab eol dom d'fhorálacha.

[126]Is mithid duit gníomhú, a Thiarna, óir sáraíodh do dhlí.

[127]Ar an ábhar sin is ansa liom d'aitheanta, ná an t-ór is mine.

[128]Is uime a chloígh mé le do phroiceapta uile, toisc gur fuath liom gach bréagshlí.

Pe

[129] Admiráveis são os teus testemunhos; por isso, a minha alma os observa.
[130] A revelação das tuas palavras esclarece e dá entendimento aos simples.
[131] Abro a boca e aspiro, porque anelo os teus mandamentos.
[132] Volta-te para mim e tem piedade de mim, segundo costumas fazer aos que amam o teu nome.
[133] Firma os meus passos na tua palavra, e não me domine iniqüidade alguma.
[134] Livra-me da opressão do homem, e guardarei os teus preceitos.
[135] Faze resplandecer o rosto sobre o teu servo e ensina-me os teus decretos.
[136] Torrentes de água nascem dos meus olhos, porque os homens não guardam a tua lei.
[137] Justo és, SENHOR, e retos, os teus juízos.
[138] Os teus testemunhos, tu os impuseste com retidão e com suma fidelidade.
[139] O meu zelo me consome, porque os meus adversários se esquecem da tua palavra.
[140] Puríssima é a tua palavra; por isso, o teu servo a estima.
[141] Pequeno sou e desprezado; contudo, não me esqueço dos teus preceitos.
[142] A tua justiça é justiça eterna, e a tua lei é a própria verdade.

[129]Is iontach iad go dearfa do fhorálacha; is uime sin a choimeádaim iad.
[130]Tugann foilsiú do bhriathair solas dom, agus teagasc do lucht aineolais.
[131]Bíonn mo bhéal ar leathadh ag osnaíl dom agus mé ag tnúth le d'aitheanta.
[132]Iompaigh chugam agus taispeáin dom do thrua, mar a dhéanann tú do do chairde.
[133]Dírigh mo chéimeanna de réir do bhriathair; ná gabhadh an urchóid forlámhas orm.
[134]Déan mo shaoradh ar ansmacht na ndaoine; agus coimeádfaidh mé do phroiceapta.
[135]Soilsíodh solas do ghnúise ar do ghiolla; agus múin dom do reachtanna.
[136]Chaoin mé uisce mo chinn toisc nár coimeádadh do dhlí.

Sade

[137]Is fíréanta tú go deimhin, a Thiarna; agus is ceart do bhreithiúnas.
[138]Chuir tú d'fhorálacha i bhfeidhm go cóir agus go daingean diongbháilte.
[139]Táim do mo shníomh ag méad mo dhúthrachta, mar nach cuimhin le mo naimhde do bhriathar.
[140]Tástáladh do bhriathar go dearfa agus is geal le do ghiolla é.
[141]Is beag is fiú mé féin, agus is suarach; ní dhearmadaim do phroiceapta.
[142]Is fíréantacht shíoraí í d'fhiréantachtsa; agus is daingean é do dhlí.

[143] Sobre mim vieram tribulação e angústia; todavia, os teus mandamentos são o meu prazer.
[144] Eterna é a justiça dos teus testemunhos; dá-me a inteligência deles, e viverei.

[145] De todo o coração eu te invoco; ouve-me, SENHOR; observo os teus decretos.
[146] Clamo a ti; salva-me, e guardarei os teus testemunhos.
[147] Antecipo-me ao alvorecer do dia e clamo; na tua palavra, espero confiante.
[148] Os meus olhos antecipam-se às vigílias noturnas, para que eu medite nas tuas palavras.
[149] Ouve, SENHOR, a minha voz, segundo a tua bondade; vivifica-me, segundo os teus juízos.
[150] Aproximam-se de mim os que andam após a maldade; eles se afastam da tua lei.
[151] Tu estás perto, SENHOR, e todos os teus mandamentos são verdade.
[152] Quanto às tuas prescrições, há muito sei que as estabeleceste para sempre.

[153] Atenta para a minha aflição e livra-me, pois não me esqueço da tua lei.
[154] Defende a minha causa e liberta-me; vivifica-me, segundo a tua promessa.
[155] A salvação está longe dos ímpios, pois não procuram os teus decretos.
[156] Muitas, SENHOR, são as tuas misericórdias; vivifica-me, segundo os teus juízos.

[143]Tháinig anuas orm diachair agus dochraide; faighim m'aoibhneas i d'aitheantasa.
[144]Is fíréanta iad d'fhorálacha go deo; tabhair teagasc dom agus mairfidh mé.

Qof

[145]Glaoim ó chroí ort; éist liom, a Thiarna; coimeádfaidh mé do reachtanna.
[146]Glaoim ort; déan mé a tharrtháil; agus coinneoidh mé d'fhorálacha.
[147]I moiche na maidine bím ag glaoch ort; cuirim mo dhóchas i do bhriathar.
[148]Bím ag faire i gcaitheamh na hoíche, ag déanamh mo mharana ar do bhriathar.
[149]Éist liom, a Thiarna, de réir do bhuanghrá; beoigh mé de réir d'aithne.
[150]Tá lucht mo ghéarleanúna ag druidim liom, agus iad i bhfad ó do dhlí.
[151]Ach tá tusa i ngar dom, a Thiarna; agus is dílis iad d'aitheanta.
[152]Is fadó a d'aithin mé ar d'fhorálacha gur dhaingnigh tú iad go brách.

Resh

[153]Féach ar m'angar agus fuascail mé toisc nár dhearmad mé do dhlí.
[154]Déan mo chúis a phlé agus slánaigh mé; déan mo bheochan le do bhriathar.
[155]Is fada an slánú ó na peacaigh, toisc nach cúram leo d'fhoraitheanta.
[156]Is líonmhar iad do thrócairí, a Thiarna; beoigh mé de réir d'fhoraitheanta.

[157] São muitos os meus perseguidores e os meus adversários; não me desvio, porém, dos teus testemunhos.

[158] Vi os infiéis e senti desgosto, porque não guardam a tua palavra.

[159] Considera em como amo os teus preceitos; vivifica-me, ó SENHOR, segundo a tua bondade.

[160] As tuas palavras são em tudo verdade desde o princípio, e cada um dos teus justos juízos dura para sempre.

[161] Príncipes me perseguem sem causa, porém o que o meu coração teme é a tua palavra.

[162] Alegro-me nas tuas promessas, como quem acha grandes despojos.

[163] Abomino e detesto a mentira; porém amo a tua lei.

[164] Sete vezes no dia, eu te louvo pela justiça dos teus juízos.

[165] Grande paz têm os que amam a tua lei; para eles não há tropeço.

[166] Espero, SENHOR, na tua salvação e cumpro os teus mandamentos.

[167] A minha alma tem observado os teus testemunhos; eu os amo ardentemente.

[168] Tenho observado os teus preceitos e os teus testemunhos, pois na tua presença estão todos os meus caminhos.

[157]Is líonmhar lucht mo ghéarleanúna agus mo bhuartha; ní chlaonaim ó do phroiceapta.

[158]Chonaic mé na ciontaigh agus ghabh tuirse mé, toisc nár choimeád siad do bhriathar.

[159]Féach! is geal liom do phroiceapta, a Thiarna; coinnigh beo mé le do bhuanghrá.

[160]Is í an bhuaine buaic do bhriathair; maireann do reachtanna go brách.

Sin

[161]Déanann flatha géarleanuint orm gan fáth; ach is eagal liom do bhriathra.

[162]Déanaim gairdeas de bharr do bhriathair mar dhuine a fhaigheann creach.

[163]Is fuath liom an t-éitheach agus is gráin liom é; i aoibhinn liom do dhlí.

[164]Seacht n-uaire in aghaidh an lae a thugaim moladh duit as ucht do cheartbhreithiúnas.

[165]Bíonn mórshuaimhneas ar lucht do dhlí a ghráú; ní bhíonn aon cheap tuisle rompu.

[166]Bím ag súil le do chúnamh slánaithe, a Thiarna; agus comhlíonaim d'aitheanta.

[167]Bíonn m'anam ag coimeád do fhorálacha; tugaim grá thar cuimse dóibh.

[168]Coimeádaim do phroiceapta agus d'orduithe; bíonn mo shlite uile i d'fhianaise.

Tau

[169] Chegue a ti, SENHOR, a minha súplica; dá-me entendimento, segundo a tua palavra.
[170] Chegue a minha petição à tua presença; livra-me segundo a tua palavra.
[171] Profiram louvor os meus lábios, pois me ensinas os teus decretos.
[172] A minha língua celebre a tua lei, pois todos os teus mandamentos são justiça.
[173] Venha a tua mão socorrer-me, pois escolhi os teus preceitos.
[174] Suspiro, SENHOR, por tua salvação; a tua lei é todo o meu prazer.
[175] Viva a minha alma para louvar-te; ajudem-me os teus juízos.
[176] Ando errante como ovelha desgarrada; procura o teu servo, pois não me esqueço dos teus mandamentos.

Salmo 120

Contra as más línguas
Cântico de romagem

[1] Na minha angústia, clamo ao SENHOR, e ele me ouve.

[2] SENHOR, livra-me dos lábios mentirosos, da língua enganadora.
[3] Que te será dado ou que te será acrescentado, ó língua enganadora?
[4] Setas agudas do valente e brasas vivas de zimbro.
[5] Ai de mim, que peregrino em Meseque e habito nas tendas de Quedar.
[6] Já há tempo demais que habito com os que odeiam a paz.

[169]Go dtaga mo ghlór chugat, a Thiarna; tabhair tuiscint dom de réir do bhriathair.

[170]Go dtaga mo ghuí i do láthair; fuascail mé de réir d'fhocail.
[171]Go dtuga mo bhruasa moladh duit; nuair a mhúinfidh tú do reachtanna dom.
[172]Go gcana mo theanga do bhriathar; óir is cóir iad d'aitheanta.
[173]Go raibh do lámh i m'aice chun cuidiú liom; toisc gur thogh mé do theagasc.
[174]Santaím do shlánú, a Thiarna; agus is aoibhinn liom do dhlí.
[175]Go maire m'anam agus go mola sé thú; agus go gcabhraí do reachtanna liom.
[176]Táim ar seachrán mar chaora fháin; bí do mo lorg; óir níor dhearmad mé riamh d'aitheanta.

Salm 120

An Teanga Chealgach

[1]*Amhrán Oilithreach.* Ar an Tiarna a scairt mé nuair a bhí mé do mo bhuaireamh; agus d'éist sé liom.
[2]A Thiarna, saor m'anam ar an mbéal urchóideach, agus ar an teanga chealgach.
[3]Cad a imreoidh sé ort d'fhonn an comhar a íoc leat, a theanga chealgach?
[4]Saigheada géara an churaidh chalma, agus sméaróidí dearga.
[5]Is é mo dhíth bheith i mo chónaí i Meiseach; i bpubaill Chéadar.
[6]Is fada atá m'anam ag lonnú leis an dream ar fuath leo an tsíocháin.

[7] Sou pela paz; quando, porém, eu falo, eles teimam pela guerra.

[7]Nuair a labhraim ar son na síochána, tugann siad fúm gan fáth.

Salmo 121

Deus, o fiel guarda dos homens
Cântico de romagem

[1] Elevo os olhos para os montes: de onde me virá o socorro?

[2] O meu socorro vem do SENHOR, que fez o céu e a terra.

[3] Ele não permitirá que os teus pés vacilem; não dormitará aquele que te guarda.

[4] É certo que não dormita, nem dorme o guarda de Israel.

[5] O SENHOR é quem te guarda; o SENHOR é a tua sombra à tua direita.

[6] De dia não te molestará o sol, nem de noite, a lua.

[7] O SENHOR te guardará de todo mal; guardará a tua alma.

[8] O SENHOR guardará a tua saída e a tua entrada, desde agora e para sempre.

Salm 121

Is é an Tiarna ár nDídean

[1]*Amhrán Oilithreach.* Tógaim mo shúile chun na sléibhte. Cad as do mo chúnamh?

[2]Is ón Tiarna féin atá mo chúnamh, a rinne neamh agus talamh.

[3]Nár lige sé duit tuisliú go deo; nár dhéana do gharda codladh.

[4]Féach! ní thitfidh sámhchodladh ná suan ar gharda Iosrael.

[5]Is é an Tiarna do gharda is do dhídean, agus é ar do dheis.

[6]Ní bhuailfidh an ghrian thú i rith an lae, ná an ré istoíche.

[7]Coimeádfaidh an Tiarna ón uile olc thú; coimeádfaidh sé d'anam.

[8]Coimeádfaidh an Tiarna thú ag imeacht is ag teacht duit, anois agus choíche.

Salmo 122

Oração pela paz de Jerusalém
Cântico de romagem. De Davi

[1] Alegrei-me quando me disseram: Vamos à Casa do SENHOR.

[2] Pararam os nossos pés junto às tuas portas, ó Jerusalém!

[3] Jerusalém, que estás construída como cidade compacta,

[4] para onde sobem as tribos, as tribos do SENHOR, como convém a Israel, para renderem graças ao nome do SENHOR.

Salm 122

Iarúsailéim: An Chathair Naofa

[1]*Amhrán oilithreach. Le Dáiví.* Rinne mé gairdeas nuair a dúradh liom: “Rachaimid isteach i dteach an Tiarna.”

[2]Tá ár gcosa ina seasamh cheana féin i do dhoirse, a Iarúsailéim.

[3]Rinneadh cathair Iarúsailéim a thógáil go dlúth is go daingean.

[4]Is chuici suas a ghabhann na treibheanna, treibheanna an Tiarna, d'fhonn is go

dtugaidís fianaise do Iosrael, agus buíochas don Tiarna.

5 Lá estão os tronos de justiça, os tronos da casa de Davi.

6 Orai pela paz de Jerusalém! Sejam prósperos os que te amam.

7 Reine paz dentro de teus muros e prosperidade nos teus palácios.

8 Por amor dos meus irmãos e amigos, eu peço: haja paz em ti!

9 Por amor da Casa do SENHOR, nosso Deus, buscarei o teu bem.

5Is ansiúd atá cathaoir an bhreithiúnais, cathaoir do theaghlach Dháiví.

6Iarraigí síocháin Iarúsailéim a chur chun cinn; gura slán a dtugann taitneamh duit.

7Síocháin go raibh laistigh de do mhúrtha, agus flúirse i do phálás.

8Ar son mo bhráithre agus lucht mo pháirte, síocháin go raibh ionat.

9Ar son teach an Tiarna, ár nDia, iarraim do leas.

Salmo 123

Solicitude por auxílio divino

Cântico de romagem

1 A ti, que habitas nos céus, elevo os olhos!

2 Como os olhos dos servos estão fitos nas mãos dos seus senhores, e os olhos da serva, na mão de sua senhora, assim os nossos olhos estão fitos no SENHOR, nosso Deus, até que se compadeça de nós.

3 Tem misericórdia de nós, SENHOR, tem misericórdia; pois estamos sobremodo fartos de desprezo.

4 A nossa alma está saturada do escárnio dos que estão à sua vontade e do desprezo dos soberbos.

Salm 123

Urnaí ar son Iosrael

1*Amhrán Oilithreach.* Chugat a thógaim mo shúile; chugatsa a chónaíonn ar neamh.

2Mar shúile na ndaor ag faire ar lámha a dtiarna; mar shúile an chailín aimsire ag faire ar lámha a máistreása,

3 bíonn ár súile ag faire an Tiarna, ár nDia, nó go ndéana sé trócaire.

4 Déan trócaire orainn, a Thiarna, déan trócaire; óir fuaireamar ár ndóthain den dímheas.

5 De dhímheas lucht an díomais agus an tsaibhris is dóthanach ár n-anam.

Salmo 124

Deus, nosso protetor e libertador
Cântico de romagem. De Davi

Salm 124

Is in Ainm an Tiarna atá ár gCúnamh

[1] Não fosse o SENHOR, que esteve ao nosso lado, Israel que o diga;

[2] não fosse o SENHOR, que esteve ao nosso lado, quando os homens se levantaram contra nós,

[3] e nos teriam engolido vivos, quando a sua ira se acendeu contra nós;

[4] as águas nos teriam submergido, e sobre a nossa alma teria passado a torrente;

[5] águas impetuosas teriam passado sobre a nossa alma.

[6] Bendito o SENHOR, que não nos deu por presa aos dentes deles.

[7] Salvou-se a nossa alma, como um pássaro do laço dos passarinheiros; quebrou-se o laço, e nós nos vimos livres.

[8] O nosso socorro está em o nome do SENHOR, criador do céu e da terra.

Salmo 125

Fé inabalável

Cântico de romagem

[1] Os que confiam no SENHOR são como o monte Sião, que não se abala, firme para sempre.

[2] Como em redor de Jerusalém estão os montes, assim o SENHOR, em derredor do seu povo, desde agora e para sempre.

[3] O cetro dos ímpios não permanecerá sobre a sorte dos justos, para que o justo não estenda a mão à iniqüidade.

[4] Faze o bem, SENHOR, aos bons e aos retos de coração.

[1]*Amhrán Oilithreach. Le Dáiví.* Murach an Tiarna a bheith inár leith; abradh Iosrael anois:

[2]Murach an Tiarna a bheith inár leith, nuair a tugadh fúinn,

[3]is amhlaidh a shlogfaí beo beathach sinn. Nuair a bhladhmfadh a mbuile inár n-aghaidh,

[4]d'éireodh an díle os ár gcionn, agus shlogfadh an tuile sinn.

[5]Sea, scuabfadh na tonnta chun siúil sinn, go ndéanfadh ár mbá.

[6]Moladh leis an Tiarna nár thug sinn inár gcreach dá bhfiacla.

[7]Sciobadh ár n-anam amhail éan as líon na bhfoghlaeirí. Go deimhin, briseadh an líon; agus d'imíomar slan.

[8]Tá ár gcúnamh in ainm an Tiarna a rinne neamh agus talamh.

Salm 125

Muinín Iosrael sa Tiarna

[1]*Amhrán Oilithreach.* An mhuintir a mbíonn a ndóchas sa Tiarna acu, is cosúil le Sliabh Shíón iad - sliabh nach féidir a bhogadh, ach a sheasfaidh go brách.

[2]Ar nós na gcnoc is na sléibhte thart timpeall Iarúsailéim, bíonn an Tiarna thart ar a phobal, anois agus choíche.

[3]Óir ní fhanfaidh ríshlat na n-éagráifeach ar fhearann na bhfíréan, sula ndéanfadh na fíréin a lámha a iompú chun oilc.

[4]Déan maith, a Thiarna, do dhaoine fónta, agus do lucht an chroí dhírigh.

[5] Quanto aos que se desviam para sendas tortuosas, levá-los-á o SENHOR juntamente com os malfeitores. Paz sobre Israel!

Salmo 126

Consolo para os que choram
Cântico de romagem

[1] Quando o SENHOR restaurou a sorte de Sião, ficamos como quem sonha.

[2] Então, a nossa boca se encheu de riso, e a nossa língua, de júbilo; então, entre as nações se dizia: Grandes coisas o SENHOR tem feito por eles.
[3] Com efeito, grandes coisas fez o SENHOR por nós; por isso, estamos alegres.
[4] Restaura, SENHOR, a nossa sorte, como as torrentes no Neguebe.
[5] Os que com lágrimas semeiam com júbilo ceifarão.

[6] Quem sai andando e chorando, enquanto semeia, voltará com júbilo, trazendo os seus feixes.

Salmo 127

Todo bem procede de Deus
Cântico de romagem. De Salomão

[1] Se o SENHOR não edificar a casa, em vão trabalham os que a edificam; se o SENHOR não guardar a cidade, em vão vigia a sentinela.

[2] Inútil vos será levantar de madrugada, repousar tarde, comer o pão que

[5]Ach cuir an ruaig ar lucht na camastaíola is ar lucht déanta an oilc. Síocháin go raibh ar Iosrael.

Salm 126

Síolchur Deorach, Fómhar Lúcháireach

[1]*Amhrán Oilithreach.* Nuair a sheol an Tiarna príosúnaigh Shíón ar ais, ba chosúil le lucht aislinge sinn.
[2]Líon ár mbéal le gáire, agus ár dteanga le gairdeas. Bhíothas á rá ansin i measc na gciníocha: “Rinne an Tiarna go héachtach dóibh.”
[3]Rinne an Tiarna na héachtaí dúinn; bhí áthas orainn go deimhin.
[4]Cuir sonas orainn arís, a Thiarna, mar shruthanna sa Neigib.
[5]An dream a chuireann síol le deora, bainfidh siad an fómhar faoi ghairdeas.
[6]Ag sileadh deor dóibh gabhann siad amach, ag iompar síl chun a scaipthe. Ag teacht ar ais dóibh tagann siad faoi áthas, agus a bpunanna á n-iompar acu.

Salm 127

Is é Dia a Chuireann an Rath ar an Obair

[1]*Amhrán Oilithreach. Le Solamh.* Mura ndéana an Tiarna an teach a thógail, is saothar amú é do lucht a thógála. Mura ndéana an Tiarna an chathair a chosaint, is díomhaoin don gharda bheith á faire.
[2]Is díomhaoin daoibh éirí roimh an solas, agus bheith ag airneán go déanach, sibhse

penosamente granjeastes; aos seus amados ele o dá enquanto dormem.
3 Herança do SENHOR são os filhos; o fruto do ventre, seu galardão.
4 Como flechas na mão do guerreiro, assim os filhos da mocidade.

5 Feliz o homem que enche deles a sua aljava; não será envergonhado, quando pleitear com os inimigos à porta.

Salmo 128

Temor de Deus e felicidade no lar
Cântico de romagem

1 Bem-aventurado aquele que teme ao SENHOR e anda nos seus caminhos!

2 Do trabalho de tuas mãos comerás, feliz serás, e tudo te irá bem.

3 Tua esposa, no interior de tua casa, será como a videira frutífera; teus filhos, como rebentos da oliveira, à roda da tua mesa.

4 Eis como será abençoado o homem que teme ao SENHOR!
5 O SENHOR te abençoe desde Sião, para que vejas a prosperidade de Jerusalém durante os dias de tua vida,

6 vejas os filhos de teus filhos. Paz sobre Israel!

Salmo 129

Recordação de libertações
Cântico de romagem

1 Muitas vezes me angustiaram desde a minha mocidade, Israel que o diga;

a itheann arán an tsaothair; óir is fial le pobal a pháirte é agus iad ina gcodladh.
3Tabhartas ón Tiarna is ea an chlann; is tuarastal é toradh na broinne.
4Mar shaigheada i láimh an ghaiscígh, is mar sin do chlann na hóige.
5Is aoibhinn go deimhin don fhear, a líon a thruaill leis na saigheada sin, óir ní bhfaighidh an té sin náire, agus é ag aighneas lena naimhde sa gheata.

Salm 128

An Teaghlach Sona Sásta

1*Amhrán Oilithreach.* Is aoibhinn do chách lenarb eagal an Tiarna, agus a shiúlann ina shlite.
2Íosfaidh tú toradh de shaothair féin; beidh tú go sona séanmhar.
3Beidh do bhean chéile mar fhíniúin thorthúil, i gceartlár do thí. Beidh do chlann mar bhuinneáin crainn olóige, mórthimpeall do bhoird.
4Is amhlaidh a bheannófar an duine ar a mbíonn eagla an Tiarna.

5Go mbeannaí an Tiarna thú amach as Síón; gach uile lá de do shaol.

6Go bhfeice tú clann do chlainne agus séan ar Iarúsailéim. Síocháin go raibh ar Iosrael.

Salm 129

Achainí in aghaidh an Namhad

1*Amhrán Oilithreach.* Is minic a crádh mé ó m'óige; abradh Iosrael anois:

[2] desde a minha mocidade, me angustiaram, todavia, não prevaleceram contra mim.
[3] Sobre o meu dorso lavraram os aradores; nele abriram longos sulcos.
[4] Mas o SENHOR é justo; cortou as cordas dos ímpios.
[5] Sejam envergonhados e repelidos todos os que aborrecem a Sião!
[6] Sejam como a erva dos telhados, que seca antes de florescer,
[7] com a qual não enche a mão o ceifeiro, nem os braços, o que ata os feixes!
[8] E também os que passam não dizem: A bênção do SENHOR seja convosco! Nós vos abençoamos em nome do SENHOR!

Salmo 130

Das profundezas clamo ao Senhor
Cântico de romagem

[1] Das profundezas clamo a ti, SENHOR.

[2] Escuta, SENHOR, a minha voz; estejam alertas os teus ouvidos às minhas súplicas.
[3] Se observares, SENHOR, iniqüidades, quem, SENHOR, subsistirá?
[4] Contigo, porém, está o perdão, para que te temam.
[5] Aguardo o SENHOR, a minha alma o aguarda; eu espero na sua palavra.
[6] A minha alma anseia pelo SENHOR mais do que os guardas pelo romper da manhã. Mais do que os guardas pelo romper da manhã,

[2]Is minic a crádh mé ó m'óige, ach ní dhearnadh mo threascairt.

[3]Bhí fir chéachta ag réabhadh ar mo dhroim; rinne siad a gclaiseanna fada.
[4]Ach ghearr an Tiarna fíréanta cordaí na n-éagráifeach.
[5]An dream ar fuath leo Síón, go gcuirtear ar gcúl iad faoi náire.
[6]Gura cosúil iad le féar ar dhíon tí, a sheargann sula sceitheann sé;
[7]nach líonann an buanaí a lámh leis, ná an fear ceangail a bhrollach.
[8]Agus nach ndéarfaidh lucht taistil na slí “Bail ó Dhia ar an obair! Beannaímid sibh in ainm an Tiarna; anois agus choíche!”

Salm 130

Salm Aithrí agus Dóchais

[1]*Amhrán Oilithreach.* As na duibheagáin a ghlaoim ort, a Thiarna; éist, a Thiarna, le mo ghuí.
[2]Go n-éiste do chluasa go haireach le mo ghlór ag impí ort.
[3]Má fhéachann tú ár gcionta, a Thiarna, a Thiarna, cé rachaidh slán?
[4]Ach is leat na peacaí a mhaitheamh; ionas go riarfaí go humhal duit.
[5]Tá muinín ag m'anam as an Tiarna; ar a bhriathar atá mo sheasamh.

[6]Is foighní m'anam ag feitheamh leis an Tiarna, ná lucht faire leis an maidin. Bíonn lucht faire ag faire leis an maidin,

[7] espere Israel no SENHOR, pois no SENHOR há misericórdia; nele, copiosa redenção.
[8] É ele quem redime a Israel de todas as suas iniqüidades.

Salmo 131

Calma em Deus
Cântico de romagem. De Davi

[1] SENHOR, não é soberbo o meu coração, nem altivo o meu olhar; não ando à procura de grandes coisas, nem de coisas maravilhosas demais para mim.
[2] Pelo contrário, fiz calar e sossegar a minha alma; como a criança desmamada se aquieta nos braços de sua mãe, como essa criança é a minha alma para comigo.
[3] Espera, ó Israel, no SENHOR, desde agora e para sempre.

Salmo 132

Uma promessa antiga
Cântico de romagem

[1] Lembra-te, SENHOR, a favor de Davi, de todas as suas provações;
[2] de como jurou ao SENHOR e fez votos ao Poderoso de Jacó:
[3] Não entrarei na tenda em que moro, nem subirei ao leito em que repouso,
[4] não darei sono aos meus olhos, nem repouso às minhas pálpebras,
[5] até que eu encontre lugar para o SENHOR, morada para o Poderoso de Jacó.
[6] Ouvimos dizer que a arca se achava em Efrata e a encontramos no campo de Jaar.

[7]agus Iosrael leis an Tiarna, de bhrí gur ag an Tiarna atá an trócaire, agus an fhuascailt fhairsing.
[8]Agus is é a dhéanfaidh Iosrael a fhuascailt óna gcionta go léir.

Salm 131

Mar Naíonán i mBaclainn a Mháthar

[1]*Amhrán Oilithreach. Le Dáiví.* Níl mo chroí i mborr le mórtas, a Thiarna; níl mo shúile go huaibhreach. Ní mó go bhfuil mo dhúil i nithe móra, a théann thar m'acmhainn.
[2]Ach mar naíonán [a bhainfí de dhiúl], thug mé m'anam chun suaimhnis. Mar naíonán i mbaclainn a mháthar, atá m'anam istigh ionam.
[3]A Iosrael, cuir do dhóchas sa Tiarna, anois agus choíche.

Salm 132

Gealltanas Dé do Theaghlach Dháiví

[1]*Amhrán Oilithreach.* Cuimhnigh, a Thiarna, ar Dháiví, agus ar a bhfuair sé de dhua agus de dhochraide,
[2]ar an mionn a mhionnaigh sé don Tiarna, ar a mhóid do Neach cumhachtach Iacóib:
[3]“Ní rachaidh mé faoi dhíon mo thí; ná ní luífidh mé ar an leaba a cóiríodh dom.
[4]Ní thabharfaidh mé suan do mo shúile; ná codladh do rinn mo rosc
[5]nó go bhfaighidh mé ionad don Tiarna, teach cónaithe do Neach cumhachtach Iacóib.”
[6]Chualamar trácht air, féach, in Eafrát; agus fuaireamar é ar mhachairí Iár.

[7] Entremos na sua morada, adoremos ante o estrado de seus pés.
[8] Levanta-te, SENHOR, entra no lugar do teu repouso, tu e a arca de tua fortaleza.

[9] Vistam-se de justiça os teus sacerdotes, e exultem os teus fiéis.

[10] Por amor de Davi, teu servo, não desprezes o rosto do teu ungido.
[11] O SENHOR jurou a Davi com firme juramento e dele não se apartará: Um rebento da tua carne farei subir para o teu trono.
[12] Se os teus filhos guardarem a minha aliança e o testemunho que eu lhes ensinar, também os seus filhos se assentarão para sempre no teu trono.
[13] Pois o SENHOR escolheu a Sião, preferiu-a por sua morada:

[14] Este é para sempre o lugar do meu repouso; aqui habitarei, pois o preferi.

[15] Abençoarei com abundância o seu mantimento e de pão fartarei os seus pobres.

[16] Vestirei de salvação os seus sacerdotes, e de júbilo exultarão os seus fiéis.

[17] Ali, farei brotar a força de Davi; preparei uma lâmpada para o meu ungido.
[18] Cobrirei de vexame os seus inimigos; mas sobre ele florescerá a sua coroa.

Salmo 133

A excelência da união fraternal

[7]“Téimis isteach ina áras; agus adhraimis ag stóilín a chos.”
[8]Gabh isteach in áit do shuaimhnis, a Thiarna, tú féin agus áirc do mhaorgachta.
[9]Go raibh éadaí na fíréantachta ar do shagairt; go raibh do naoimh ag canadh go meidhreach.
[10]Ar mhaithe le Dáiví do sheirbhíseach, ná diúltaigh don té a d'ung tú.
[11]Mhionnaigh an Tiarna do Dháiví, briathar daingean nach rachaidh sé siar air: “Is é mac do cholainne féin a chuirfidh mé ar do chathaoir ríoga.
[12]Má choimeádann do chlann mo chonradh, agus na teagaisc a mhúinfidh mé dóibh, beidh a gclann siúd freisin go brách ina suí ar do chathaoir ríoga.”
[13]Óir roghnaigh an Tiarna Síón; is é ba rogha leis mar áras dó féin.
[14]Is é seo áit mo shuaimhnis go brách; bainfidh mé fum ann óir is ann atá mo thaitneamh.

[15]Beannóidh mé le flúirse bia é; tabharfaidh mé a sáith dá dhaoine bochta.

[16]Gléasfaidh mé a shagairt le slánú, agus beidh a chuid fíréan ag canadh go meidhreach.
[17]Tiocfaidh bláth ann ar bhuinneán Dháiví; réiteoidh mé lóchrann do m'ungthach.
[18] Clúdóidh mé a naimhde le náire, ach caithfidh sé féin a choróin faoi ghradam.

Salm 133

Aoibhneas an Ghrá Bhráithriúil

Cântico de romagem. De Davi

[1] Oh! Como é bom e agradável viverem unidos os irmãos!

[2] É como o óleo precioso sobre a cabeça, o qual desce para a barba, a barba de Arão, e desce para a gola de suas vestes.
[3] É como o orvalho do Hermom, que desce sobre os montes de Sião. Ali, ordena o SENHOR a sua bênção e a vida para sempre.

[1]*Amhrán Oilithreach. Le Dáiví.* Féach! nach maith agus nach aoibhinn é go mbeadh bráithre ina gcónaí le chéile.
[2]Mar uinnimint a doirteadh ar an gceann, agus a shil ar an bhféasóg - a shil anuas ar fhéasóg Árón, go himeall a fhallainge.
[3]Is cosúil le drúcht Hearmón é agus é ag titim anuas ar Shliabh Shíón. Is ann a thug an Tiarna beannacht, agus beatha go brách.

Salmo 134

Convocando ao culto vespertino
Cântico de romagem

[1] Bendizei ao SENHOR, vós todos, servos do SENHOR, que assistis na Casa do SENHOR, nas horas da noite;

[2] erguei as mãos para o santuário e bendizei ao SENHOR.
[3] De Sião te abençoe o SENHOR, criador do céu e da terra!

Salm 134

Tráthanna na hOíche

[1]*Amhrán Oilithreach.* Téanaigí agus molaigí an Tiarna, a sheirbhíseacha uile an Tiarna a bhíonn in bhur seasamh i dteach an Tiarna, i gcúirteanna theach ár nDé.
[2]Tógaigí bhur lámha chun an tsanctóra; agus déanaigí an Tiarna a mholadh.
[3]Go mbeannaí an Tiarna amach as Síón thú; is é a rinne neamh agus talamh.

Salmo 135

Louvores a Deus

[1] Aleluia! Louvai o nome do SENHOR; louvai-o, servos do SENHOR,
[2] vós que assistis na Casa do SENHOR, nos átrios da casa do nosso Deus.
[3] Louvai ao SENHOR, porque o SENHOR é bom; cantai louvores ao seu nome, porque é agradável.
[4] Pois o SENHOR escolheu para si a Jacó e a Israel, para sua possessão.

Salm 135

Moladh leis an Tiarna

[1]*Alleluia*. Molaigí ainm an Tiarna; molaigí é, a lucht fónaimh an Tiarna,
[2]a bhíonn in bhur seasamh i láthair an Tiarna, i gcúirteanna áras ár nDé.
[3]Molaigí an Tiarna toisc gur maith é an Tiarna; canaigí Salm dá ainm toisc gur grámhar é;
[4]Óir roghnaigh an Tiarna Iacób, agus Iosrael ina sheilbh dó féin.

[5] Com efeito, eu sei que o SENHOR é grande e que o nosso Deus está acima de todos os deuses.

[5]Óir is eol dom gur mór é an Tiarna, ina Dhia os cionn na ndéithe go léir.

[6] Tudo quanto aprouve ao SENHOR, ele o fez, nos céus e na terra, no mar e em todos os abismos.

[6]Déanann sé a dtaitníonn leis ar neamh is ar talamh, ar muir agus in íochtar na farraige.

[7] Faz subir as nuvens dos confins da terra, faz os relâmpagos para a chuva, faz sair o vento dos seus reservatórios.

[7]Seolann sé scamaill ó chríocha na cruinne; déanann sé fearthainn le saighneáin tine; tógann sé na gaotha as a n-ionaid taisce.

[8] Foi ele quem feriu os primogênitos no Egito, tanto dos homens como das alimárias;

[8]Bhuail sé céadghin na hÉigipte, idir dhaoine agus bheithígh in éineacht.

[9] quem, no meio de ti, ó Egito, operou sinais e prodígios contra Faraó e todos os seus servos;

[9]Rinne sé comharthaí agus tuartha i gceartlár do thíre, a Éigipt in aghaidh Fhorainn is a lucht fónaimh go léir.

[10] quem feriu muitas nações e tirou a vida a poderosos reis:

[10]Bhuail sé a lán de na ciníocha; agus mharaigh sé ríthe cumhachtacha -

[11] a Seom, rei dos amorreus, e a Ogue, rei de Basã, e a todos os reinos de Canaã;

[11]Síochon, rí na nAmórach agus Óg a bhí ina rí ar Bháiseán, agus ríthe Chanán go léir.

[12] cujas terras deu em herança, em herança a Israel, seu povo.

[12]Agus thug sé a dtalamh mar oidhreacht, mar oidhreacht do Iosrael, a phobal.

[13] O teu nome, SENHOR, subsiste para sempre; a tua memória, SENHOR, passará de geração em geração.

[13]Maireann d'ainm de shíor, a Thiarna, agus do chuimhne ó ghlúin go chéile.

[14] Pois o SENHOR julga ao seu povo e se compadece dos seus servos.

[14]Óir déanfaidh an Tiarna a phobal a chosaint; agus glacfaidh sé trua dá lucht fónaimh.

[15] Os ídolos das nações são prata e ouro, obra das mãos dos homens.

[15]Ór agus airgead íola na gciníocha, saothar lámh na ndaoine.

[16] Têm boca e não falam; têm olhos e não vêem;

[16]Tá béal acu ach ní fhéadann siad labhairt; tá súile acu ach ní fheiceann siad dada;

[17] têm ouvidos e não ouvem; pois não há alento de vida em sua boca.
[18] Como eles se tornam os que os fazem, e todos os que neles confiam.
[19] Casa de Israel, bendizei ao SENHOR; casa de Arão, bendizei ao SENHOR;
[20] casa de Levi, bendizei ao SENHOR; vós que temeis ao SENHOR, bendizei ao SENHOR.
[21] Desde Sião bendito seja o SENHOR, que habita em Jerusalém! Aleluia!

[17]tá cluasa orthu ach ní chluineann siad smid; ná níl puth anála ina mbeola.
[18]Is cosúil leo féin lucht a ndéanta; agus a gcuireann a ndóchas iontu.
[19]A theaghlach Iosrael, tabhair moladh don Tiarna; a theaghlach Árón, tabhair moladh don Tiarna;
[20]a theaghlach Léiví, tabhair moladh don Tiarna; a lucht adhartha an Tiarna, tabhair moladh dó.
[21]Moladh leis an Tiarna as Síón; tá cónaí air in Iarúsailéim!

Salmo 136

A misericórdia de Deus

[1] Rendei graças ao SENHOR, porque ele é bom, porque a sua misericórdia dura para sempre.
[2] Rendei graças ao Deus dos deuses, porque a sua misericórdia dura para sempre.
[3] Rendei graças ao SENHOR dos senhores, porque a sua misericórdia dura para sempre;
[4] ao único que opera grandes maravilhas, porque a sua misericórdia dura para sempre;
[5] àquele que com entendimento fez os céus, porque a sua misericórdia dura para sempre;
[6] àquele que estendeu a terra sobre as águas, porque a sua misericórdia dura para sempre;
[7] àquele que fez os grandes luminares, porque a sua misericórdia dura para sempre;

Salm 136

An Hallel Mór: Iomann Cásca

[1]*Alleluia.* Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é, agus go maireann a bhuanghrá go brách.
[2]Tugaigí buíochas do Dhia na ndéithe, óir maireann a bhuanghrá go brách.
[3]Tugaigí buíochas do Thiarna na dtiarnaí, óir maireann a bhuanghrá go brách.
[4]Is é an t-aon neach amháin é a dhéanann móréachtaí, óir maireann a bhuanghrá go brách.
[5]Rinne sé na flaithis le feabhas a eagna, óir maireann a bhuanghrá go brách.
[6]Rinne sé an talamh a leathadh ar na huiscí, óir maireann a bhuanghrá go brách.
[7]Eisean a rinne na soilse móra, óir maireann a bhuanghrá go brách.

[8] o sol para presidir o dia, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[9] a lua e as estrelas para presidirem a noite, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[10] àquele que feriu o Egito nos seus primogênitos, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[11] e tirou a Israel do meio deles, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[12] com mão poderosa e braço estendido, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[13] àquele que separou em duas partes o mar Vermelho, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[14] e por entre elas fez passar a Israel, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[15] mas precipitou no mar Vermelho a Faraó e ao seu exército, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[16] àquele que conduziu o seu povo pelo deserto, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[17] àquele que feriu grandes reis, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[18] e tirou a vida a famosos reis, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[19] a Seom, rei dos amorreus, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[20] e a Ogue, rei de Basã, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[8]Chuir sé an ghrian i gceannas an lae, óir maireann a bhuanghrá go brách;

[9]an ré is na réaltaí i gceannas na hoíche, óir maireann a bhuanghrá go brách.

[10]Bhuail sé céadghin na nÉigipteach, óir maireann a bhuanghrá go brách.

[11]Agus threoraigh sé Iosrael as a measc, óir maireann a bhuanghrá go brách.

[12]Le cumhacht a láimhe agus neart a chuisle, óir maireann a bhuanghrá go brách.

[13]Roinn sé an Mhuir Rua ina dhá cuid, óir maireann a bhuanghrá go brách.

[14]Agus thug ar Iosrael siúl anonn trína lár, óir maireann a bhuanghrá go brách.

[15]Threascair sé Forann agus a shlua sa mhuir, óir maireann a bhuanghrá go brách;

[16]agus sheol a phobal tríd an bhfásach, óir maireann a bhuanghrá go brách.

[17]Bhuail sé na ríthe móra, óir maireann a bhuanghrá go brách;

[18]agus mharaigh sé na ríthe cumhachtacha, óir maireann a bhuanghrá go brách;

[19]Síochon, rí na nAmórach, óir maireann a bhuanghrá go brách;

[20]agus Óg a bhí ina rí ar Bháiseán, óir maireann a bhuanghrá go brách.

[21] cujas terras deu em herança, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[22] em herança a Israel, seu servo, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[23] a quem se lembrou de nós em nosso abatimento, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[24] e nos libertou dos nossos adversários, porque a sua misericórdia dura para sempre;

[25] e dá alimento a toda carne, porque a sua misericórdia dura para sempre.

[26] Oh! Tributai louvores ao Deus dos céus, porque a sua misericórdia dura para sempre.

[21]Agus thug sé a bhfearann mar oidhreacht, óir maireann a bhuanghrá go brách;

[22]mar oidhreacht do Iosrael a sheirbhíseach, óir maireann a bhuanghrá go brách.

[23]Chuimhnigh sé orainn nuair a bhíomar dár mbuaireamh, óir maireann a bhuanghrá go brách.

[24]Agus rinne sé ár bhfuascailt ónár naimhde, óir maireann a bhuanghrá go brách.

[25]Bronnann sé bia ar a maireann sa cholainn, óir maireann a bhuanghrá go brách.

[26]Gabhaigí buíochas le Dia na bhflaitheas, óir maireann a bhuanghrá go brách.

Salmo 137

Saudades da pátria

[1] Às margens dos rios da Babilônia, nós nos assentávamos e chorávamos, lembrando-nos de Sião.

[2] Nos salgueiros que lá havia, pendurávamos as nossas harpas,

[3] pois aqueles que nos levaram cativos nos pediam canções, e os nossos opressores, que fôssemos alegres, dizendo: Entoai-nos algum dos cânticos de Sião.

[4] Como, porém, haveríamos de entoar o canto do SENHOR em terra estranha?

[5] Se eu de ti me esquecer, ó Jerusalém, que se resseque a minha mão direita.

Salm 137

Cois Sruthanna na Bablóine

[1]Cois sruthanna na Bablóine a shuíomar ag sileadh deor, ag cuimhneamh dúinn ar Shíón.

[2]Ar shaileoga na tíre sin chrochamar ár gcruiteanna.

[3]Óir an drong a rinne bránna dínn, d'iarr siad amhráin orainn, agus an drong a bhíodh dár gciapadh, d'iarr siad lúcháir orainn: “Scaoiligí chugainn,” a deiridís, “amhrán d'amhráin Shíón.”

[4]Conas a chanfaimis amhrán an Tiarna i dtír na gcoimhthíoch?

[5]Má dhéanaim dearmad ort, a Iarúsailéim, go gcrapa mo dheaslámh!

[6] Apegue-se-me a língua ao paladar, se me não lembrar de ti, se não preferir eu Jerusalém à minha maior alegria.
[7] Contra os filhos de Edom, lembra-te, SENHOR, do dia de Jerusalém, pois diziam: Arrasai, arrasai-a, até aos fundamentos.
[8] Filha da Babilônia, que hás de ser destruída, feliz aquele que te der o pago do mal que nos fizeste.
[9] Feliz aquele que pegar teus filhos e esmagá-los contra a pedra.

Salmo 138

Graças a Deus por sua fidelidade
Salmo de Davi

[1] Render-te-ei graças, SENHOR, de todo o meu coração; na presença dos poderosos te cantarei louvores.

[2] Prostrar-me-ei para o teu santo templo e louvarei o teu nome, por causa da tua misericórdia e da tua verdade, pois magnificaste acima de tudo o teu nome e a tua palavra.
[3] No dia em que eu clamei, tu me acudiste e alentaste a força de minha alma.
[4] Render-te-ão graças, ó SENHOR, todos os reis da terra, quando ouvirem as palavras da tua boca,
[5] e cantarão os caminhos do SENHOR, pois grande é a glória do SENHOR.
[6] O SENHOR é excelso, contudo, atenta para os humildes; os soberbos, ele os conhece de longe.

[6]Go gceanglaí mo theanga de mo charball, mura gcuimhním ort, mura gcuire mé Iarúsailéim mar bharr m'aoibhnis uile.
[7]Cuimhnigh, a Thiarna, in aghaidh chlann Eadóm, lá treascartha Iarúsailéim, nuair a dúirt siad: “Scriosaigí í, scriosaigí í; leagaigí go talamh í.”
[8]A iníon na Bablóine, nach tú an scriosaire! Is méanar don té a dhíolfaidh leatsa na dochair a d'imir tú orainne -
[9]an té a bhéarfaidh ar do leanaí á mbascadh in éadan na carraige!

Salm 138

Altú Buíochais

[1]*Le Dáiví.* A Thiarna, gabhaim buíochas leat ó chroí; óir d'éist tú le briathra mo bhéil. Seinnfidh mé duit i bhfianaise na n-aingeal;

[2]agus sléachtfaidh mé ag do theampall naofa. Gabhaim buíochas leat as ucht do bhuanghrá agus do dhílse, a sháraíonn ar [ar chualamar riamh fút].

[3]D'éist tú liom nuair a ghlaoigh mé ort; agus chuir tú le neart m'anama.
[4]Molfaidh ríthe uile na cruinne thú, a Thiarna, nuair a chluinfidh siad briathra do bhéil.
[5]Canfaidh siad faoi shlite an Tiarna: “Nach éachtach í glóir an Tiarna!”
[6]Dá airde é an Tiarna is cúram dó an t-íseal; ach breathnaíonn sé an t-uaibhreach i bhfad uaidh.

[7] Se ando em meio à tribulação, tu me refazes a vida; estendes a mão contra a ira dos meus inimigos; a tua destra me salva.

[8] O que a mim me concerne o SENHOR levará a bom termo; a tua misericórdia, ó SENHOR, dura para sempre; não desampares as obras das tuas mãos.

[7]Bíodh go siúlaim i lár na trioblóide, tugann tú beatha dom in aghaidh fraoch m'eascairde. Síneann tú do lámh chugam do mo shaoradh; agus fóirfidh tú orm le do dheasláimh.

[8]Cuirfidh an Tiarna chun cinn a bhfuil tosaithe aige dom. Maireann do bhuanghrá go síoraí, a Thiarna; ná caith dímheas ar shaothar do lámh.

Salmo 139

Deus onisciente e onipotente
Ao mestre de canto. Salmo de Davi

[1] SENHOR, tu me sondas e me conheces.

[2] Sabes quando me assento e quando me levanto; de longe penetras os meus pensamentos.

[3] Esquadrinhas o meu andar e o meu deitar e conheces todos os meus caminhos.

[4] Ainda a palavra me não chegou à língua, e tu, SENHOR, já a conheces toda.

[5] Tu me cercas por trás e por diante e sobre mim pões a mão.

[6] Tal conhecimento é maravilhoso demais para mim: é sobremodo elevado, não o posso atingir.

[7] Para onde me ausentarei do teu Espírito? Para onde fugirei da tua face?

[8] Se subo aos céus, lá estás; se faço a minha cama no mais profundo abismo, lá estás também;

[9] se tomo as asas da alvorada e me detenho nos confins dos mares,

Salm 139

Uile-Eolas

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Salm le Dáiví.* Scrúdaíonn tú mé, a Thiarna, agus is eol duit mé,

[2]más luí dom, más suí dom, is eol duit é; is eol duit mo rún is mé i bhfad uait.

[3]Más siúl dom, más suan dom, feiceann tú; is eol duit mo shlite go léir.

[4]Sula gcluintear focal ar mo theanga, a Thiarna, is eol duit ar fad é.

[5]Imdhruideann tú ar chúl is ar bhéal mé; agus leagann tú do lámh orm de shíor.

[6]Is ró-iontach, ró-uasal liom an t-eolas seo; agus téann sé thar m'acmhainn a thuiscint.

[7]Cá háit a rachaidh mé ó do spiorad? ná cá háit a dteithfidh mé ó do láthair?

[8]Má ghabhaim in airde neimhe beidh tú ann romham; má luím san uaigh, beidh tú ansin romham freisin.

[9]Má ghabhaim umam sciatháin na maidine, agus cónaí i gcríocha imchiana na farraige,

[10] ainda lá me haverá de guiar a tua mão, e a tua destra me susterá.

[10]ansin féin beidh do lámh do mo sheoladh; agus béarfaidh tú orm le do dheasláimh.

[11] Se eu digo: as trevas, com efeito, me encobrirão, e a luz ao redor de mim se fará noite,

[11]Má deirim go bhfolóidh an dorchacht mé, agus go mbeidh solas an lae ina oíche umam,

[12] até as próprias trevas não te serão escuras: as trevas e a luz são a mesma coisa.

[12]ní dorcha leatsa an dorchacht: is comhsholas duit lá agus oíche.

[13] Pois tu formaste o meu interior, tu me teceste no seio de minha mãe.

[13]Óir is tú a dheilbhigh go hiomlán mé; agus a d'fhuaigh i mbroinn mo mháthar mé.

[14] Graças te dou, visto que por modo assombrosamente maravilhoso me formaste; as tuas obras são admiráveis, e a minha alma o sabe muito bem;

[14]Tugaim buíochas duit de bharr iontas mo dhéantúis; de bhrí gurb éachtach iad d'oibreacha. B'eol duit go hiomlán m'anamsa;

[15] os meus ossos não te foram encobertos, quando no oculto fui formado e entretecido como nas profundezas da terra.

[15]níor ceileadh ort fiú amháin mo chreat, nuair a cumadh os íseal mé, gur múnlaíodh i mbroinn na talún mé.

[16] Os teus olhos me viram a substância ainda informe, e no teu livro foram escritos todos os meus dias, cada um deles escrito e determinado, quando nem um deles havia ainda.

[16]Chonaic do shúile mo ghníomhartha; óir scríobhadh iad uile i do leabhar; agus cinneadh dom mo laethanta go léir, sular tháinig ceann amháin acu ann.

[17] Que preciosos para mim, ó Deus, são os teus pensamentos! E como é grande a soma deles!

[17]Nach diamhrach liom do chomhairlí, a Thiarna; má dhéanaim a gcomhaireamh ní thig liom a n-áireamh;

[18] Se os contasse, excedem os grãos de areia; contaria, contaria, sem jamais chegar ao fim.

[18]ní lia gaineamh na trá ná iad; dá mbeinn réidh leo bheinn farat go fóill.

[19] Tomara, ó Deus, desses cabo do perverso; apartai-vos, pois, de mim, homens de sangue.

[19]Is mairg, a Dhia, nach scriosann tú na hurchóidigh; is mairg nach n-imíonn uaim fir na fola.

[20] Eles se rebelam insidiosamente contra ti e como teus inimigos falam malícia.

[21] Não aborreço eu, SENHOR, os que te aborrecem? E não abomino os que contra ti se levantam?

[22] Aborreço-os com ódio consumado; para mim são inimigos de fato.

[23] Sonda-me, ó Deus, e conhece o meu coração, prova-me e conhece os meus pensamentos;

[24] vê se há em mim algum caminho mau e guia-me pelo caminho eterno.

Salmo 140

Contra inimigos e perfídias

Ao mestre de canto. Salmo de Davi

[1] Livra-me, SENHOR, do homem perverso, guarda-me do homem violento,

[2] cujo coração maquina iniqüidades e vive forjando contendas.

[3] Aguçam a língua como a serpente; sob os lábios têm veneno de áspide.

[4] Guarda-me, SENHOR, da mão dos ímpios, preserva-me do homem violento, os quais se empenham por me desviar os passos.

[5] Os soberbos ocultaram armadilhas e cordas contra mim, estenderam-me uma rede à beira do caminho, armaram ciladas contra mim.

[6] Digo ao SENHOR: tu és o meu Deus; acode, SENHOR, à voz das minhas súplicas.

[20]Óir déanann siad ceannairc i d'aghaidh go fealltach; agus tugann do naimhde mionna éithigh.

[21]Nach fuath liom, do lucht fuatha, a Thiarna; nach déistin liom a n-éiríonn i d'éadan?

[22]Is amhlaidh atá an ghráin shaolta agam orthu; dar liomsa is deargnaimhde dom iad.

[23]Scrúdaigh mé, a Dhia, agus féach mo chroí; déan mo thástáil, agus féach mo smaointe.

[24]Féach an bhfuil drochslí á siúl agam; agus seol mé ar shlí na síoraíochta.

Salm 140

Fuascail Mé ó Líon na nUrchóideach

[1]*Do stiúrthóir an chóir. Salm le Dáiví.*

[2] Fuascail mé a Thiarna, ón drochdhuine; cosain mé ar fhear an fhoréigin,

[3] ar lucht beartaithe an oilc ina gcroí, a mbíonn aighneas á mhúscailt de shíor acu.

[4] Cuireann siad faobhar ar a dteanga mar nathair; agus bíonn nimh na nathrach faoina mbeola.

[5] Tarrthaigh mé ó láimh an urchóidigh, a Thiarna; cosain mé ar fhear an fhoréigin; is mian leo barrthuisle a bhaint asam.

[6] Chuir na díomasaigh gaiste i bhfolach romham; leath siad líon agus téada romham; chuir siad súil ribe romham sa tslí. ***(Selah)***

[7] Deirim leis an Tiarna: “Mo Dhia thú!” Éist, a Thiarna, le glór mo ghuí.

7 Ó SENHOR, força da minha salvação, tu me protegeste a cabeça no dia da batalha.

8 Não concedas, SENHOR, ao ímpio os seus desejos; não permitas que vingue o seu mau propósito.

9 Se exaltam a cabeça os que me cercam, cubra-os a maldade dos seus lábios.

10 Caiam sobre eles brasas vivas, sejam atirados ao fogo, lançados em abismos para que não mais se levantem.

11 O caluniador não se estabelecerá na terra; ao homem violento, o mal o perseguirá com golpe sobre golpe.

12 Sei que o SENHOR manterá a causa do oprimido e o direito do necessitado.

13 Assim, os justos renderão graças ao teu nome; os retos habitarão na tua presença.

Salmo 141

Oração vespertina por santificação e proteção

Salmo de Davi

1 SENHOR, a ti clamo, dá-te pressa em me acudir; inclina os ouvidos à minha voz, quando te invoco.

2 Suba à tua presença a minha oração, como incenso, e seja o erguer de minhas mãos como oferenda vespertina.

3 Põe guarda, SENHOR, à minha boca; vigia a porta dos meus lábios.

4 Não permitas que meu coração se incline para o mal, para a prática da perversidade

8 A Thiarna Dia, is tú mo chabhair chumhachtach; cumhdaíonn tú mo cheann lá an chatha.

9 Ná géill, a Thiarna, do mhianta na n-urchóideach; nár éirí lena mírúin mhailíseacha. *(Selah)*

10 Tógann an drong atá thart timpeall orm a gceann; go dtreascraí mailís a mbruas féin iad.

11 Go bhfeara sé sméaróidí dearga orthu anuas; go gcaithe sé isteach i bpoll talún iad, i dtreo is nach n-éirí siad arís.

12 Ní bheidh an rath ar fhear na drochtheanga; tiocfaidh an tubaiste ar fhear an fhoréigin.

13 Is eol dom go ndéanfaidh an Tiarna, ceart is cóir don duine bocht 's don duine dealbh.

14 Tabharfaidh na fíréin buíochas do d'ainm; agus mairfidh lucht an ionracais i do láthair.

Salm 141

Go nÉirí m'Urnaí mar Thúis i d'Fhianaise

1 *Salm le Dáiví.* Glaoim ort, a Thiarna, fóir orm gan mhoill; éist le mo ghlór nuair a ghlaoim ort.

2 Go n-éirí m'urnaí mar thúis i d'fhianaise; go raibh ardú mo lámh mar íobairt tráthnona.

3 Cuir glas ar mo bhéal, achainím ort, a Thiarna; bí ag faire mar an gcéanna ar dhoras mo bhruas.

4 Ná claon mo chroí chun oilc ar bith ná chun drochbhearta a dhéanamh le lucht

na companhia de homens que são malfeitores; e não coma eu das suas iguarias.

5 Fira-me o justo, será isso mercê; repreenda-me, será como óleo sobre a minha cabeça, a qual não há de rejeitá-lo. Continuarei a orar enquanto os perversos praticam maldade.

6 Os seus juízes serão precipitados penha abaixo, mas ouvirão as minhas palavras, que são agradáveis,

7 ainda que sejam espalhados os meus ossos à boca da sepultura, quando se lavra e sulca a terra.

8 Pois em ti, SENHOR Deus, estão fitos os meus olhos: em ti confio; não desampares a minha alma.

9 Guarda-me dos laços que me armaram e das armadilhas dos que praticam iniqüidade.

10 Caiam os ímpios nas suas próprias redes, enquanto eu, nesse meio tempo, me salvo incólume.

Salmo 142

Oração no meio de grande perigo

Salmo didático de Davi. Oração que fez quando estava na caverna

1 Sm. 24.3

1 Ao SENHOR ergo a minha voz e clamo, com a minha voz suplico ao SENHOR.

2 Derramo perante ele a minha queixa, à sua presença exponho a minha tribulação.

na hurchóide; nár ithe mé sólais sho-bhlasta ina gcuideachta.

5Má bhuaileann an fíréan mé is le barr cineáltais é; má thugann sé casaoid dom, is ola do mo cheann é. Ach maidir le lucht an oilc, bím ag urnaí i gcónaí, bíonn m'urnaí i gcónaí in aghaidh a ndrochbheart.

6Caithfear a mbreithiúna go léir le haill; beidh a fhios acu an uair sin gur caoin iad mo bhriathra.

7Mar charraig a scoiltear ina smionagar ar an talamh, scaipfear a gcnámha ag béal na huaighe.

8Ortsa, a Thiarna, a Dhia liom, atá mo shúile; ortsa atá mo thriall, ná fág m'anam gan dídean.

9Cosain mé ar an ngaiste a chuir siad i bhfearas romham; saor mé ar ribí lucht déanta na hurchóide.

10Go gceaptar na héagráifigh go léir ina líonta féin; ach deonaigh go dtaga mise slán sábháilte uathu.

Salm 142

Is é an Tiarna a bhfuil agam i dTír na mBeo

1*Mascil Dháiví nuair a bhí sé san uaimh. Urnaí.*

2 Glaoim os ard ar an Tiarna; achainím os ard ar an Tiarna.

3 Déanaim mo ghearán go dian ina fhianaise; agus nochtaim m'anacra ina láthair.

[3] Quando dentro de mim me esmorece o espírito, conheces a minha vereda. No caminho em que ando, me ocultam armadilha.

[4] Olha à minha direita e vê, pois não há quem me reconheça, nenhum lugar de refúgio, ninguém que por mim se interesse.

[5] A ti clamo, SENHOR, e digo: tu és o meu refúgio, o meu quinhão na terra dos viventes.

[6] Atende o meu clamor, pois me vejo muito fraco. Livra-me dos meus perseguidores, porque são mais fortes do que eu.

[7] Tira a minha alma do cárcere, para que eu dê graças ao teu nome; os justos me rodearão, quando me fizeres esse bem.

[4] Nuair a bhí mo spiorad á chloí istigh ionam, b'eol duit féin mo shlí. Sa tslí ina bhfuil mo shiúl cuireadh gaiste i bhfolach romham.

[5] Breathnaím ar mo dheis agus feicim nach bhfuil neach ann a dhéanfadh cúram díom. Níl bealach éalaithe agam; ní chuireann aon neach spéis i m'anam.

[6] Is ort a ghlaoim, a Thiarna; deirim: “Is tú mo dhídean; a bhfuil agam i dtír na mbeo.”

[7] Éist, dá bhrí sin, le mo ghlao; óir tá mé i gcorrach na haimiléise. Fuascail mé ó lucht mo ghéarleanúna, óir is treise iad siúd ná mé.

[8] Seol mé amach as an gcarcair seo chun go dtabharfaidh mé buíochas do d'ainm. Tionólfaidh na fíréin i mo thimpeall toisc go roinnfidh tú go flaithiúil fial liom.

Salmo 143

Súplica por libertação

Salmo de Davi

[1] Atende, SENHOR, a minha oração, dá ouvidos às minhas súplicas. Responde-me, segundo a tua fidelidade, segundo a tua justiça.

[2] Não entres em juízo com o teu servo, porque à tua vista não há justo nenhum vivente.

[3] Pois o inimigo me tem perseguido a alma; tem arrojado por terra a minha vida; tem-me feito habitar na escuridão, como aqueles que morreram há muito.

Salm 143

Urnaí in Am an Bhuairimh

[1] *Salm Dháiví.* Éist le m'urnaí, a Thiarna; éist le m'achainí as ucht do dhílse, freagair mé as ucht d'fhíréantachta.

[2] Ná glaoigh ar do ghiolla chun breithiúnais; óir níl aon neach fíréanta i d'fhianaise.

[3] Óir chuaigh an namhaid sa tóir orm; threascair sé m'anam go huir; thug sé orm fanacht sa dorchacht ar nós daoine atá marbh le fada.

4 Por isso, dentro de mim esmorece o meu espírito, e o coração se vê turbado.

5 Lembro-me dos dias de outrora, penso em todos os teus feitos e considero nas obras das tuas mãos.

6 A ti levanto as mãos; a minha alma anseia por ti, como terra sedenta.

7 Dá-te pressa, SENHOR, em responder-me; o espírito me desfalece; não me escondas a tua face, para que eu não me torne como os que baixam à cova.

8 Faze-me ouvir, pela manhã, da tua graça, pois em ti confio; mostra-me o caminho por onde devo andar, porque a ti elevo a minha alma.

9 Livra-me, SENHOR, dos meus inimigos; pois em ti é que me refugio.

10 Ensina-me a fazer a tua vontade, pois tu és o meu Deus; guie-me o teu bom Espírito por terreno plano.

11 Vivifica-me, SENHOR, por amor do teu nome; por amor da tua justiça, tira da tribulação a minha alma.

12 E, por tua misericórdia, dá cabo dos meus inimigos e destrói todos os que me atribulam a alma, pois eu sou teu servo.

Salmo 144

Ações de graças pela proteção de Deus
Salmo de Davi

4Dá bhrí sin tháinig meath ar mo mheanma; agus chalcaigh mo chroí istigh ionam.

5Is cuimhin liom na laethanta fadó; déanaim machnamh ar d'oibreacha go léir. Bím ag smaoineamh ar shaothar do lámh

6agus sínim mo sciatháin amach chugat; mar thalamh spalptha bíonn m'anam ag tnúth leat.

7Éist liom gan mhoill, a Thiarna, óir tá mo mheanma á cloí. Ná cuir d'aghaidh i bhfolach orm, sula mbeinn cosúil leis an dream a ghabhann san uaigh.

8Cuir do bhuanghrá in iúl dom ar maidin, óir is ionat a chuirim mo dhóchas. Tabhair dom eolas na slí atá le triall agam, óir is chugatsa a thógaim m'anam.

9Fuascail mé ó m'eascairde, a Thiarna; óir chuir mé mé féin faoi do choimirce.

10Múin dom do thoil a dhéanamh, óir is tú mo Dhia, a Thiarna. Go ndéana do dhea-spiorad mé a sheoladh, isteach sa talamh comhréidh.

11Cosain mo bheo as ucht d'ainm, a Thiarna; i d'fhíréantacht saor m'anam ón anacair.

12Déan mo naimhde a dhíothú as ucht do chineáltais; agus cuir ó mhaith a mbíonn ag déanamh cos ar bolg orm; óir is mé do sheirbhíseach, a Thiarna.

Salm 144

Ar Son Bua agus Síochána

[1] Bendito seja o SENHOR, rocha minha, que me adestra as mãos para a batalha e os dedos, para a guerra;

[2] minha misericórdia e fortaleza minha, meu alto refúgio e meu libertador, meu escudo, aquele em quem confio e quem me submete o meu povo.

[3] SENHOR, que é o homem para que dele tomes conhecimento? E o filho do homem, para que o estimes?

[4] O homem é como um sopro; os seus dias, como a sombra que passa.

[5] Abaixa, SENHOR, os teus céus e desce; toca os montes, e fumegarão.

[6] Despede relâmpagos e dispersa os meus inimigos; arremessa as tuas flechas e desbarata-os.

[7] Estende a mão lá do alto; livra-me e arrebata-me das muitas águas e do poder de estranhos,

[8] cuja boca profere mentiras, e cuja direita é direita de falsidade.

[9] A ti, ó Deus, entoarei novo cântico; no saltério de dez cordas, te cantarei louvores.

[10] É ele quem dá aos reis a vitória; quem livra da espada maligna a Davi, seu servo.

[11] Livra-me e salva-me do poder de estranhos, cuja boca profere mentiras, e cuja direita é direita de falsidade.

[12] Que nossos filhos sejam, na sua mocidade, como plantas viçosas, e nossas

[1]*[Salm] Dháiví.* Moladh leis an Tiarna, mo charraig, a oileann mo lámha chun catha; agus fós mo mhéara chun cogaidh.

[2]Is é siúd mo ghrá agus mo dhaingean; is é mo dhún é agus m'fhuascailteoir; mo sciath é ina gcuirim mo dhóchas; cuireann sé cinìocha faoi mo smacht.

[3]A Thiarna, cad é an duine go dtógfá ceann de, nó mac an duine go mbeadh meas agat air?

[4]Is cosúil an duine le puth anála; agus a ré le scáil a ghabhann thart.

[5]Ísligh do spéartha agus tuirling; bain leis na sléibhte agus déanfaidh siad deatach.

[6]Teilg amach uait na splancacha agus scaip iad; scaoil uait do shaigheada á dtreascairt.

[7]Sín do lámh uait anuas le mé a shaoradh is a fhuascailt ó na tuilte agus ó láimh na n-eachtrannach,

[8]a mbíonn an bhréag de shíor ina mbéal acu, agus a ndeaslámh ina deasláimh éithigh acu.

[9]Canfaidh mé amhrán nua duit, a Dhia; seinnfidh mé ar chláirseach na ndeich dtéad duit.

[10]Óir is tú a thugann an bua do ríthe; agus a thug tarrtháil ar Dháiví, do ghiolla.

[11]Tabhair saor ó chlaíomh an oilc mé; sábháil ó láimh na n-eachtrannach mé, a mbíonn an bhréag de shíor ina mbéal acu, agus a ndeaslámh ina deasláimh éithigh acu.

[12]Gura cosúil ár gclann mhac le húrchrainn, agus iad ag fás ina n-óige;

filhas, como pedras angulares, lavradas como colunas de palácio;

gura cosúil ar n-iníonacha le colúin chúinne, arna snoí mar cholúin an teampaill.

13 que transbordem os nossos celeiros, atulhados de toda sorte de provisões; que os nossos rebanhos produzam a milhares e a dezenas de milhares, em nossos campos;

13Go raibh ár sciobóil ag cur thar maoil le gach toradh, agus ár dtréada ag breith ina mílte, agus ina ndeicheanna de mhílte inár bpáirceanna.

14 que as nossas vacas andem pejadas, não lhes haja rotura, nem mau sucesso. Não haja gritos de lamento em nossas praças.

14Go raibh ár mbólacht trom torrach le laonna; ná raibh ár múrtha briste bearnach; ná raibh deoraíocht, ná raibh círéib ná clampar inár sráideanna.

15 Bem-aventurado o povo a quem assim sucede! Sim, bem-aventurado é o povo cujo Deus é o SENHOR!

15Is méanar don mhuintir arb amhlaidh dóibh; an mhuintir a bhfuil an Tiarna ina Dhia acu.

Salmo 145

A bondade, grandeza e providência de Deus
Louvores de Davi

1 Exaltar-te-ei, ó Deus meu e Rei; bendirei o teu nome para todo o sempre.

2 Todos os dias te bendirei e louvarei o teu nome para todo o sempre.

3 Grande é o SENHOR e mui digno de ser louvado; a sua grandeza é insondável.

4 Uma geração louvará a outra geração as tuas obras e anunciará os teus poderosos feitos.

5 Meditarei no glorioso esplendor da tua majestade e nas tuas maravilhas.

6 Falar-se-á do poder dos teus feitos tremendos, e contarei a tua grandeza.

Salm 145

Maorgacht agus Ollmhaitheas Dé
Salm Aibítreach

1*Moltaí Dháiví.* Mórfaidh mé thú, a Dhia agus a Rí; agus molfaidh mé d'ainm trí shaol na saol.

2Molfaidh mé thú in aghaidh an lae; agus molfaidh mé d'ainm trí shaol na saol.

3Is mór an Tiarna agus is inmholta thar cuimse é; ní féidir a mhórgacht a mhionransú.

4Fógrófar d'oibreacha ó ghlúin go glúin agus foilseofar do chumhacht mar an gcéanna.

5Déanfar trácht ar mhórghlóir do mhaorgachta; agus inseofar d'éachtaí iontacha.

6Labhrófar faoi do bhearta uafásacha; beifear ag caint faoi do chumhacht is do chumas.

[7] Divulgarão a memória de tua muita bondade e com júbilo celebrarão a tua justiça.
[8] Benigno e misericordioso é o SENHOR, tardio em irar-se e de grande clemência.
[9] O SENHOR é bom para todos, e as suas ternas misericórdias permeiam todas as suas obras.

[10] Todas as tuas obras te renderão graças, SENHOR; e os teus santos te bendirão.

[11] Falarão da glória do teu reino e confessarão o teu poder,
[12] para que aos filhos dos homens se façam notórios os teus poderosos feitos e a glória da majestade do teu reino.
[13] O teu reino é o de todos os séculos, e o teu domínio subsiste por todas as gerações. O SENHOR é fiel em todas as suas palavras e santo em todas as suas obras.

[14] O SENHOR sustém os que vacilam e apruma todos os prostrados.

[15] Em ti esperam os olhos de todos, e tu, a seu tempo, lhes dás o alimento.

[16] Abres a mão e satisfazes de benevolência a todo vivente.
[17] Justo é o SENHOR em todos os seus caminhos, benigno em todas as suas obras.
[18] Perto está o SENHOR de todos os que o invocam, de todos os que o invocam em verdade.

[7]Cuimhneofar ar líonmhaireacht do mhaitheasa; agus déanfar d'fhíréantacht a chanadh go háthasach.
[8]Is cineálta an Tiarna agus is trócaireach, mall chun feirge, agus lán de thrua.

[9]Is grámhar an Tiarna le gach aon neach; tá trua aige do gach dúil dá ndearna sé.

[10]Ceiliúrfaidh d'oibreacha uile thú, a Thiarna; agus beannóidh do dhaoine dílse thú.
[11]Canfaidh siad glóir-réim do ríochta; agus foilseoidh siad uile do chumhacht,
[12]ionas go nochtfar do chumhacht do dhaoine agus niamhracht agus glóir-réim do ríochta.

[13]Mairfidh do ríochtsa feadh saol na saol, agus do cheannas go brách na breithe. Is dílis an Tiarna ina bhriathra uile; agus is naofa é ina oibreacha go léir.

[14]Tacaíonn an Tiarna lena mbíonn ag titim; agus tógann sé an dream a bhíonn ar lár.
[15]Bíonn súile gach aon dúile ag feitheamh ortsa; agus tugann tú bia dóibh in am trátha.
[16]Osclaíonn tú do lámh go fialmhar; agus sásaíonn tú a bhfuil beo le do chineáltas.
[17]Is fíréanta é an Tiarna ina shlite uile; agus is naofa é ina oibreacha go léir.

[18]Is gairid é an Tiarna dá ngaireann air, dá ngaireann air go fírinneach ó chroí.

[19] Ele acode à vontade dos que o temem; atende-lhes o clamor e os salva.

[20] O SENHOR guarda a todos os que o amam; porém os ímpios serão exterminados.

[21] Profira a minha boca louvores ao SENHOR, e toda carne louve o seu santo nome, para todo o sempre.

[19]Déanann sé toil an dreama lenarb eagal é; éisteann sé lena n-éamh agus fóireann orthu.

[20]Coimeádann an Tiarna gach duine a thugann grá dó; ach scriosfaidh sé na hurchóidigh go léir.

[21]Go gcana mo bhéal moladh an Tiarna agus go mbeannaí gach aon neach a ainm naofa; go brách agus go síoraí suthain.

Salmo 146

A fraqueza do homem e a fidelidade de Deus

[1] Aleluia! Louva, ó minha alma, ao SENHOR.

[2] Louvarei ao SENHOR durante a minha vida; cantarei louvores ao meu Deus, enquanto eu viver.

[3] Não confieis em príncipes, nem nos filhos dos homens, em quem não há salvação.

[4] Sai-lhes o espírito, e eles tornam ao pó; nesse mesmo dia, perecem todos os seus desígnios.

[5] Bem-aventurado aquele que tem o Deus de Jacó por seu auxílio, cuja esperança está no SENHOR, seu Deus,

[6] que fez os céus e a terra, o mar e tudo o que neles há e mantém para sempre a sua fidelidade.

[7] Que faz justiça aos oprimidos e dá pão aos que têm fome. O SENHOR liberta os encarcerados.

[29] quando fixava ao mar o seu limite, para que as águas não traspassassem os seus limites; quando compunha os fundamentos da terra;
[30] então, eu estava com ele e era seu arquiteto, dia após dia, eu era as suas delícias, folgando perante ele em todo o tempo;
[31] regozijando-me no seu mundo habitável e achando as minhas delícias com os filhos dos homens.

[32] Agora, pois, filhos, ouvi-me, porque felizes serão os que guardarem os meus caminhos.
[33] Ouvi o ensino, sede sábios e não o rejeiteis.
[34] Feliz o homem que me dá ouvidos, velando dia a dia às minhas portas, esperando às ombreiras da minha entrada.
[35] Porque o que me acha acha a vida e alcança favor do SENHOR.

[24]Ní raibh na duibheagáin fós ann, ná na toibreacha ag brúchtaíl le huisce nuair a rugadh mé.
[25]Sular cuireadh na sléibhte ina n-áit, sula raibh na cnoic fós ann, saolaíodh mise;
[26]Sula ndearna sé talamh nó tír, nó fóid thosaigh an domhain.
[27]Bhí mise ann nuair a bhí sé ag daingniú na bhflaitheas thuas, agus ag rianú bun na spéire ar dhromchla an duibheagáin,
[28]Agus ag socrú na scamall lastuas, agus ag daingniú foinsí an duibheagáin,
[29]Agus ag ceapadh teorann don fharraige, chun nach mbrisfeadh na huiscí a reacht, agus ag leagan síos dúshraith na cruinne.
[30]Bhí mé lena thaobh mar cheardaí oilte ag cur áthais air ó lá go lá, agus ag súgradh ina láthair gan stad,
[31]Agus ag déanamh spraoi ar fud an domhain mhóir, agus ag baint aoibhnis as caidreamh daoine.

Cuireadh

[32]“Anois, a chlann mhac, eistigí liomsa; is méanar don mhuintir a leanann de mo bhealaí.
[33]Éistigí le teagasc agus bígí eagnaí; ná déanaigí faillí air:
[34]Is méanar don fhear a éisteann liomsa, ag faire gach lá ag mo gheataí, ag feitheamh ag mo dhoirse.
[35]Óir an té a gheobhaidh mise, gheobhaidh sé an bheatha, agus gnóthóidh sé gnaoi an Tiarna.

[36] Mas o que peca contra mim violenta a própria alma. Todos os que me aborrecem amam a morte.

[36]Ach an té dhéanann díobháil domsa, leonann sé a anam féin; agus an mhuintir a thugann fuath domsa, tugann siad grá don bhás."

Provérbios 9

O banquete da Sabedoria

[1] A Sabedoria edificou a sua casa, lavrou as suas sete colunas.

[2] Carneou os seus animais, misturou o seu vinho e arrumou a sua mesa.

[3] Já deu ordens às suas criadas e, assim, convida desde as alturas da cidade:

[4] Quem é simples, volte-se para aqui. Aos faltos de senso diz:

[5] Vinde, comei do meu pão e bebei do vinho que misturei.

[6] Deixai os insensatos e vivei; andai pelo caminho do entendimento.

[7] O que repreende o escarnecedor traz afronta sobre si; e o que censura o perverso a si mesmo se injuria.

[8] Não repreendas o escarnecedor, para que te não aborreça; repreende o sábio, e ele te amará.

[9] Dá instrução ao sábio, e ele se fará mais sábio ainda; ensina ao justo, e ele crescerá em prudência.

[10] O temor do SENHOR é o princípio da sabedoria, e o conhecimento do Santo é prudência.

Seanfhocal 9

[1]Tá a teach tógtha ag an Eagna, agus a seacht gcolún curtha ina seasamh aici.

[2]Tá sí tar éis a mairt a mharú a cuid fíona a ullmhú, agus a bord a chóiriú.

[3]Tá a cuid banseirbhíseach curtha amach aici, le glaoch amach ó arda na cathrach:

[4]"Cibé ar bith duine atá saonta, casadh sé isteach anseo!" agus le lucht na díchéille deir sí:

[5]"Téanaigí, ithigí mo chuid aráin, agus ólaigí an fíon atá ullamh agam.

[6]Tréigigí bhur mbaois agus mairfidh sibh; siúlaigí ar bhealach na tuisceana."

Gaois

[7]An té a cheartaíonn fear na fonóide, faigheann sé tarcaisne; an té a dhéanann cáiseamh in aghaidh an urchóidigh, déanfar urchóid dó.

[8]Ná ceartaigh fear na fonóide nó beidh an ghráin aige ort, ceartaigh eagnaí agus beidh grá aige duit.

[9]Tabhair [teagasc] don eagnaí agus beidh sé níos eagnaí fós; múin an fíréan agus beidh sé níos léannta fós.

[10]Tús na heagna eagla an Tiarna; agus grinntuiscint is ea aithne ar an Neach Naofa.

[11] Porque por mim se multiplicam os teus dias, e anos de vida se te acrescentarão.

[12] Se és sábio, para ti mesmo o és; se és escarnecedor, tu só o suportarás.

O convite da mulher-loucura

[13] A loucura é mulher apaixonada, é ignorante e não sabe coisa alguma.

[14] Assenta-se à porta de sua casa, nas alturas da cidade, toma uma cadeira,

[15] para dizer aos que passam e seguem direito o seu caminho:

[16] Quem é simples, volte-se para aqui. E aos faltos de senso diz:

[17] As águas roubadas são doces, e o pão comido às ocultas é agradável.

[18] Eles, porém, não sabem que ali estão os mortos, que os seus convidados estão nas profundezas do inferno.

[11]Cuirfear breis le líon do laethanta tríomsa, agus cuirfear blianta le fad do shaoil.

[12]Más eagnaí thú, téann sin chun do thairbhe; más fonóidí thú, tú féin amháin a bheidh thíos leis.

Baois ag Déanamh Aithris ar Ghaois

[13]Bean ghliogair an óinseach; tá sí leanbaí, aineolach.

[14]Suíonn sí ag doras a tí; suíonn sí i gcathaoir ar na harda os cionn na cathrach.

[15]Glaonn sí orthu siúd atá ag gabháil thar braid agus iad i mbun cúraimí an lae:

[16]"An fear baoth casadh sé i leataobh anseo!" agus deir sí leis an amadán:

[17]"Is milis é an t-uisce a goideadh; is milis é an t-arán a itear faoi choim."

[18]Níl a fhios aige siúd go bhfuil na taisí cruinnithe anseo, go bhfuil a haíonna i ndoimhneas Seól.

Provérbios 10

O justo em contraste com o perverso

[1] Provérbios de Salomão. O filho sábio alegra a seu pai, mas o filho insensato é a tristeza de sua mãe.

[2] Os tesouros da impiedade de nada aproveitam, mas a justiça livra da morte.

[3] O SENHOR não deixa ter fome o justo, mas rechaça a avidez dos perversos.

[4] O que trabalha com mão remissa empobrece, mas a mão dos diligentes vem a enriquecer-se.

Seanfhocal 10

Seanfhocail Sholaimh

[1]*Cuireann mac eagnaí gliondar ar a athair; ach cúis bhróin dá mháthair amadán mic.*

[2]Ní bhíonn an rath ar mhaoin mhíchnuasta; ach fuasclaíonn an fhíréantacht ón mbás.

[3]Ní fhágann an Tiarna an fíréan gan bhia, ach cuireann sé bac ar chraos an urchóidigh.

[4]Leanann an bhochtaine an lámh gan fhuaimint, ach tuilleann an lámh fhuinniúil maoin.

[5] O que ajunta no verão é filho sábio, mas o que dorme na sega é filho que envergonha.

[6] Sobre a cabeça do justo há bênçãos, mas na boca dos perversos mora a violência.

[7] A memória do justo é abençoada, mas o nome dos perversos cai em podridão.

[8] O sábio de coração aceita os mandamentos, mas o insensato de lábios vem a arruinar-se.

[9] Quem anda em integridade anda seguro, mas o que perverte os seus caminhos será conhecido.

[10] O que acena com os olhos traz desgosto, e o insensato de lábios vem a arruinar-se.

[11] A boca do justo é manancial de vida, mas na boca dos perversos mora a violência.

[12] O ódio excita contendas, mas o amor cobre todas as transgressões.

[13] Nos lábios do prudente, se acha sabedoria, mas a vara é para as costas do falto de senso.

[14] Os sábios entesouram o conhecimento, mas a boca do néscio é uma ruína iminente.

[15] Os bens do rico são a sua cidade forte; a pobreza dos pobres é a sua ruína.

[16] A obra do justo conduz à vida, e o rendimento do perverso, ao pecado.

[5]Mac críonna a chnuasaíonn sa samhradh, ach cúis náire é an mac a chodlaíonn le linn an fhómhair.

[6]Tá beannachtaí an Tiarna ar cheann an fhíréin, ach tá an foréigean i bhfolach i mbéal an urchóidigh.

[7]Beidh cuimhne ar an bhfíréan faoi bheannacht, ach lobhfaidh ainm an urchóidigh.

[8]Géilleann croí an eagnaí do theagasc ach tá tubaiste i ndán don chabaire baoth.

[9]An té a shiúlann ar chosán na fíréantachta, ní baol do; ach an té leanann na casáin chama, béarfar air.

[10]An té a luíonn súil, adhnann sé aighneas, [ach an té a cheartaíonn go dána, déanann sé síocháin].

[11]Is fionse beatha é béal an fhíréin, ach bíonn foréigean i bhfolach i mbéal an urchóidigh.

[12]Gineann fuath achrann, ach cuireann an grá brat thar gach cóir.

[13]Bíonn an eagna le fáil i mbéal an tuisceanaigh; ach an bata ar dhroim an duine éaganta.

[14]Cuireann lucht na heagna an t-eolas i dtaisce; ach leanann an tubaiste go dlúth ar an mbéal baoth.

[15]A mhaoin is cathair dhaingean ag an duine saibhir; ach milleann a mbochtaine na bochtáin.

[16]Tuilleann a thuarastal beatha don fhíréan; ní bhíonn ach [an bás] mar luach saothair ag an urchóideach.

[17] O caminho para a vida é de quem guarda o ensino, mas o que abandona a repreensão anda errado.

[18] O que retém o ódio é de lábios falsos, e o que difama é insensato.

[19] No muito falar não falta transgressão, mas o que modera os lábios é prudente.

[20] Prata escolhida é a língua do justo, mas o coração dos perversos vale mui pouco.

[21] Os lábios do justo apascentam a muitos, mas, por falta de senso, morrem os tolos.

[22] A bênção do SENHOR enriquece, e, com ela, ele não traz desgosto.

[23] Para o insensato, praticar a maldade é divertimento; para o homem inteligente, o ser sábio.

[24] Aquilo que teme o perverso, isso lhe sobrevém, mas o anelo dos justos Deus o cumpre.

[25] Como passa a tempestade, assim desaparece o perverso, mas o justo tem perpétuo fundamento.

[26] Como vinagre para os dentes e fumaça para os olhos, assim é o preguiçoso para aqueles que o mandam.

[27] O temor do SENHOR prolonga os dias da vida, mas os anos dos perversos serão abreviados.

[28] A esperança dos justos é alegria, mas a expectação dos perversos perecerá.

[17]An té a ghéilleann don smacht, tá sé ar chosán na beatha; ach an té a dhiúltaíonn don cheartú téann sé amú.

[18]Cuireann béal [lucht na córa] gobán ar an bhfuath; is amadán é fear na tromaíochta.

[19]Nuair is líonmhar iad na briathra, ní bhíonn an choir in easnamh; is críonna é an té ag a bhfuil srian ar a theanga.

[20]Togha an airgid ghil í teanga an fhíréin; ní fiú tráithnín aigne an urchóidigh.

[21]Beathaíonn béal an fhíréin mórán daoine, ach faigheann amadáin bás le díth céille.

[22]Beannacht an Tiarna a bhronnann saibhreas, agus ní chuireann seisean dólás léi.

[23]Is geal leis an amadán an t-olc a dhéanamh; ach teacht ar an eagna is gean le fear na gaoise.

[24]An rud is eagal leis an urchóideach, tiocfaidh sé sa mhullach air; ach faigheann an fíréan mian a chroí mar fháltas.

[25]Tar éis na stoirme, bíonn deireadh leis an urchóideach; ach bíonn bonn faoin bhfíréan go brách.

[26]Dála an fhínéagra leis na fiacla, nó an deataigh leis na súile, sin mar bhíonn ag an leadránaí leis an té a sheol é.

[27]Tugann eagla an Tiarna fad saoil, ach déanfar blianta an urchóidigh a chiorrú.

[28]Suáilceas ar fad é dóchas na bhfíréan, ach rachaidh meath ar dhóchas an urchóidigh.

[29] O caminho do SENHOR é fortaleza para os íntegros, mas ruína aos que praticam a iniqüidade.

[30] O justo jamais será abalado, mas os perversos não habitarão a terra.

[31] A boca do justo produz sabedoria, mas a língua da perversidade será desarraigada.

[32] Os lábios do justo sabem o que agrada, mas a boca dos perversos, somente o mal.

Provérbios 11

[1] Balança enganosa é abominação para o SENHOR, mas o peso justo é o seu prazer.

[2] Em vindo a soberba, sobrevém a desonra, mas com os humildes está a sabedoria.

[3] A integridade dos retos os guia; mas, aos pérfidos, a sua mesma falsidade os destrói.

[4] As riquezas de nada aproveitam no dia da ira, mas a justiça livra da morte.

[5] A justiça do íntegro endireita o seu caminho, mas pela sua impiedade cai o perverso.

[6] A justiça dos retos os livrará, mas na sua maldade os pérfidos serão apanhados.

[7] Morrendo o homem perverso, morre a sua esperança, e a expectação da iniqüidade se desvanece.

[8] O justo é libertado da angústia, e o perverso a recebe em seu lugar.

[29]Dún daingean é an Tiarna d'fhear na beatha fíréanta, níl ann ach scrios do lucht an oilc a dhéanamh.

[30]Ní chuirfear an fíréan go deo as a láthair, ach ní bheidh áit lonnaithe go brách ag an urchóideach.

[31]As béal an fhíréin tagann eagna, ach gearrfar teanga na calaoise ar shiúl.

[32]Tá an chneastacht ar sileadh le beola an fhíréin, ach calaois le beola an urchóidigh.

Seanfhocal 11

[1]Tá an ghráin ag an Tiarna ar an meá éagórach, ach is gean leis an meáchan cóir.

[2]Tagann an t-uabhar ar dtús, ansin an náire; tá an eagna ar fáil i measc na n-uiríseal.

[3]Déanann a n-ionracas na hionraice a stiúradh, ach scriosann a bhfeall na feallairí.

[4]Ní aon chabhair an mhaoin lá na feirge, ach fuasclaíonn an fhíréantacht ón mbás.

[5]Réitíonn a shuáilcí an cosán don neamhchiontach, ach baineann a urchóid féin an t-urchóideach dá bhonna.

[6]Déanann a bhfíréantacht na hionraice a fhuascailt, ach cuireann a n-ainmhianta féin na feallairí i ngeimhle.

[7]Ní chuireann an bás deireadh le dóchas an fhíréin, ach téann muinín lucht na haindiagachta amú.

[8]Saortar an fíréan ón tubaiste, ach titeann sí ar an urchóideach ina ionad.

[9] O ímpio, com a boca, destrói o próximo, mas os justos são libertados pelo conhecimento.

[9]Scriosann an t-aindiaga a chomharsa lena theanga, ach saortar na fíréin le barr eolais.

[10] No bem-estar dos justos exulta a cidade, e, perecendo os perversos, há júbilo.

[10]Nuair a ritheann leis na fíréin, bíonn lúcháir ar an gcathair; nuair a scriostar na hurchóidigh, cuirtear na gártha áthais suas.

[11] Pela bênção que os retos suscitam, a cidade se exalta, mas pela boca dos perversos é derribada.

[11]Tógtar cathair trí bheannachtaí na bhfíréan, ach scartáiltear í trí bhéal na n-urchóideach.

[12] O que despreza o próximo é falto de senso, mas o homem prudente, este se cala.

[12]Amadán an té a dhéanann magadh faoina chomharsa; fanann an duine tuisceanach ina thost.

[13] O mexeriqueiro descobre o segredo, mas o fiel de espírito o encobre.

[13]Sceitheann an duine béalscaoilteach nithe a bhíonn faoi cheilt ach coimeádann an duine iontaofa rúin.

[14] Não havendo sábia direção, cai o povo, mas na multidão de conselheiros há segurança.

[14]Teipeann pobal cheal treorach; ní baol dóibh nuair is iomadúil iad na comhairleoirí.

[15] Quem fica por fiador de outrem sofrerá males, mas o que foge de o ser estará seguro.

[15]An té a théann i mbannaí ar strainséir, beidh thiar air; an té ar fuath leis dul i mbannaí, tá sé ar láimh shábháilte.

[16] A mulher graciosa alcança honra, como os poderosos adquirem riqueza.

[16]Tuilleann bean ghrástúil onóir [dá fear]; [níl sa bhean gan meas ar an gcóir ach easonóir faoi réim].

[17] O homem bondoso faz bem a si mesmo, mas o cruel a si mesmo se fere.

[17]Fónann an fial dó féin; ach goineann an duine cruálach é féin.

[18] O perverso recebe um salário ilusório, mas o que semeia justiça terá recompensa verdadeira.

[18]Saothraíonn an t-urchóideach beatha bhaoth; an té a shíolann an fhíréantacht beidh fómhar teann aige.

[19] Tão certo como a justiça conduz para a vida, assim o que segue o mal, para a sua morte o faz.

[19]An té a bhíonn daingean san fhíréantacht, beidh fad saoil aige; níl ach an bás i ndán don té a bhíonn ar thóir na hurchóide.

[20] Abomináveis para o SENHOR são os perversos de coração, mas os que andam em integridade são o seu prazer.

[21] O mau, é evidente, não ficará sem castigo, mas a geração dos justos é livre.

[22] Como jóia de ouro em focinho de porco, assim é a mulher formosa que não tem discrição.

[23] O desejo dos justos tende somente para o bem, mas a expectação dos perversos redunda em ira.

[24] A quem dá liberalmente, ainda se lhe acrescenta mais e mais; ao que retém mais do que é justo, ser-lhe-á em pura perda.

[25] A alma generosa prosperará, e quem dá a beber será dessedentado.

[26] Ao que retém o trigo, o povo o amaldiçoa, mas bênção haverá sobre a cabeça do seu vendedor.

[27] Quem procura o bem alcança favor, mas ao que corre atrás do mal, este lhe sobrevirá.

[28] Quem confia nas suas riquezas cairá, mas os justos reverdecerão como a folhagem.

[29] O que perturba a sua casa herda o vento, e o insensato é servo do sábio de coração.

[30] O fruto do justo é árvore de vida, e o que ganha almas é sábio.

[31] Se o justo é punido na terra, quanto mais o perverso e o pecador!

[20]Is fuath leis an Tiarna lucht droch-chroí; is geal leis an mhuintir nach cam cosán.

[21]Déan deimhin de, ní rachaidh an t-urchóideach as gan phionós; ach déanfar lucht na fíréantachta a fhuascailt.

[22]Is cuma nó fáinne óir i bpus muice, bean bhreá gan stuaim.

[23]Sonas is críoch ar mhian na bhfíréan; téann dóchas na n-urchóideach amú.

[24]Bíonn duine fial, ach méadaíonn ar a mhaoin; bíonn duine eile sprionlaithe, ach is i mbochtaine a théann sé.

[25]Éireoidh an fial saibhir; an té thugann deoch, gheobhaidh sé deoch.

[26]Cuireann daoine mallacht ar an té a choimeádann an t-arbhar i dtaisce; ach beannacht ar an té a dhíolann é.

[27]An té a thóraíonn an mhaith, tóraíonn sé fabhar; ach an té a lorgann an urchóid, tagann an urchóid ina threo.

[28]An té a bhfuil a mhuinín ina mhaoin, feofaidh sé; ach beidh an fíréan faoi bhláth mar an duilliúr glas.

[29]An té a bhuaireann a theaghlach, beidh an ghaoth aige mar oidhreacht; beidh an baoth mar dhaor ag an eagnaí.

[30]Bíonn crann na beatha mar thoradh ag an bhfíréan; ach sciobtar na hurchóidigh ar shiúl [roimh am].

[31]Má fhaigheann an fíréan an luach saothair is dual dó ar talamh, nach mó ná

sin a gheobhaidh an t-urchóideach agus an peacach!

Provérbios 12

[1] Quem ama a disciplina ama o conhecimento, mas o que aborrece a repreensão é estúpido.

[2] O homem de bem alcança o favor do SENHOR, mas ao homem de perversos desígnios, ele o condena.

[3] O homem não se estabelece pela perversidade, mas a raiz dos justos não será removida.

[4] A mulher virtuosa é a coroa do seu marido, mas a que procede vergonhosamente é como podridão nos seus ossos.

[5] Os pensamentos do justo são retos, mas os conselhos do perverso, engano.

[6] As palavras dos perversos são emboscadas para derramar sangue, mas a boca dos retos livra homens.

[7] Os perversos serão derribados e já não são, mas a casa dos justos permanecerá.

[8] Segundo o seu entendimento, será louvado o homem, mas o perverso de coração será desprezado.

[9] Melhor é o que se estima em pouco e faz o seu trabalho do que o vanglorioso que tem falta de pão.

[10] O justo atenta para a vida dos seus animais, mas o coração dos perversos é cruel.

Seanfhocal 12

[1]*An té a mbíonn cion aige ar an smacht, bíonn cion aige ar an eolas; an té ar fuath leis ceartú, is duine dúr é.*

[2]Bíonn gnaoi an Tiarna ar an duine cóir, ach daorann sé fear na ndrochbheart.

[3]Ní dhaingníonn an urchóid aon duine, ach ní bhogfar fréamh an fhíréin go brách.

[4]Coróin a fir bean mhaith, ach is fochall ina chnámha bean gan náire.

[5]Is ionraic iad smaointe an fhíréin; ach is fealltach iad comhairlí na n-urchóideach.

[6]Is gaistí le fuil a dhoirteadh iad briathra an urchóidigh; ach fuasclaíonn béal an fhíréin daoine ó bhaol.

[7]Leagtar ar lár na hurchóidigh, agus sin deireadh leo; ach seasóidh teach an fhíréin go daingean.

[8]Moltar duine ar fheabhas a chéille; ach bíonn dímheas ar fhear an droch-chroí.

[9]Is fearr fear gan ghradam [a dhéanann a ghnó féin], ná fear le héirí in airde a bhíonn gan arán.

[10]Tugann an fíréan aire dá chuid stoic, ach is cruálach í trocaire an urchóidigh.

[11] O que lavra a sua terra será farto de pão, mas o que corre atrás de coisas vãs é falto de senso.
[12] O perverso quer viver do que caçam os maus, mas a raiz dos justos produz o seu fruto.
[13] Pela transgressão dos lábios o mau se enlaça, mas o justo sairá da angústia.
[14] Cada um se farta de bem pelo fruto da sua boca, e o que as mãos do homem fizerem ser-lhe-á retribuído.
[15] O caminho do insensato aos seus próprios olhos parece reto, mas o sábio dá ouvidos aos conselhos.
[16] A ira do insensato num instante se conhece, mas o prudente oculta a afronta.
[17] O que diz a verdade manifesta a justiça, mas a testemunha falsa, a fraude.
[18] Alguém há cuja tagarelice é como pontas de espada, mas a língua dos sábios é medicina.
[19] O lábio veraz permanece para sempre, mas a língua mentirosa, apenas um momento.
[20] Há fraude no coração dos que maquinam mal, mas alegria têm os que aconselham a paz.
[21] Nenhum agravo sobrevirá ao justo, mas os perversos, o mal os apanhará em cheio.
[22] Os lábios mentirosos são abomináveis ao SENHOR, mas os que agem fielmente são o seu prazer.

[11]Beidh flúirse aráin ag an té a shaothraíonn a chuid talún; níl aon chiall ag an té a leanann beartais bhaotha.
[12]Scriostar túr daingean na n-urchóideach, ach maireann fréamha na bhfíréan go daingean.
[13]Trí choireanna a bhéil féin a ghabhtar an t-urchóideach sa ghaiste; ach tagann an fíréan slán ón tubaiste.
[14]Nuair a shásaítear fear le nithe fónta, sé toradh a bhriathar féin é; filleann toradh shaothar a lámh ar an duine féin.
[15]I súile an amadáin is ceart é a chosán; éisteann an t-eagnaí le dea-chomhairle.
[16]Ní dhéanann an t-amadán aon mhoill ach a fhearg a thaispeáint; ach ní thógann an duine ciallmhar ceann d'achasán.
[17]An té a labhraíonn an fhírinne, tugann sé fianaise chóir; níl san fhinné bréagach ach calaois.
[18]Tá duine ann ar geall le sá claímh a mhearbhriathra; ach bíonn cneasú á iompar ag teanga an eagnaí.
[19]Maireann beola fírinneacha go brách; ach is gairid é saol na teanga bréagaí.
[20]Tá feall i gcroí lucht beartaithe oilc; ach tá lúcháir ag lucht síocháin a chur i gcrích.
[21]Níl aon olc i ndán don fhíréan, ach bíonn trioblóidí sa mhullach ar na hurchóidigh.
[22]Is fuath leis an Tiarna beola an éithigh; ach is gean leis lucht labhartha na fírinne.

[23] O homem prudente oculta o conhecimento, mas o coração dos insensatos proclama a estultícia.

[24] A mão diligente dominará, mas a remissa será sujeita a trabalhos forçados.

[25] A ansiedade no coração do homem o abate, mas a boa palavra o alegra.

[26] O justo serve de guia para o seu companheiro, mas o caminho dos perversos os faz errar.

[27] O preguiçoso não assará a sua caça, mas o bem precioso do homem é ser ele diligente.

[28] Na vereda da justiça, está a vida, e no caminho da sua carreira não há morte.

[23]Coimeádann an duine tuisceanach a chuid eolais i bhfolach; ach fógraíonn croí na n-amadán a mbaois.

[24]Údarás is dual don láimh bhríomhar; ach saothar éigeantach is dual don leisciúil.

[25]Cuireann an imní ualach ar chroí an duine; ach cuireann an dea-fhocal áthas air.

[26]Tugann an fíréan cúl leis an urchóid; ach treoraíonn cosán na n-urchóideach iadsan amú.

[27]Ní bheidh aon ní don phota ag an bhfear díomhaoin; ach beidh saibhreas luachmhar ag an bhfear dícheallach.

[28]Lonnaíonn an bheatha ar chosán na córa; ach treoraíonn slí na hearráide chun an bháis.

Provérbios 13

[1] O filho sábio ouve a instrução do pai, mas o escarnecedor não atende à repreensão.

[2] Do fruto da boca o homem comerá o bem, mas o desejo dos pérfidos é a violência.

[3] O que guarda a boca conserva a sua alma, mas o que muito abre os lábios a si mesmo se arruína.

[4] O preguiçoso deseja e nada tem, mas a alma dos diligentes se farta.

[5] O justo aborrece a palavra de mentira, mas o perverso faz vergonha e se desonra.

Seanfhocal 13

[1]Tugann an mac eagnaí [grá] do smacht a athar; ach ní éisteann fear na fonóide le ceartú.

[2]Caitheann an fear maith bia fónta, toradh briathra a bhéil; ach is ar an bhforéigean a chothaítear goile na bhfeallairí.

[3]An té a chuireann faire ar a bhéal, cosnaíonn sé a bheo, ach an té a bhíonn béalscaoilteach, bíonn thiar air.

[4]Bíonn an leisceoir ag tnúthán, ach ní bhíonn dada ina chomhair; ach bíonn an saothrach sáitheach.

[5]Is fuath leis an bhfíréan an bhréag, ach bíonn an t-urchóideach ag cúlchaint agus ag tarcaisniú.

[6] A justiça guarda ao que anda em integridade, mas a malícia subverte ao pecador.

[7] Uns se dizem ricos sem terem nada; outros se dizem pobres, sendo mui ricos.

[8] Com as suas riquezas se resgata o homem, mas ao pobre não ocorre ameaça.

[9] A luz dos justos brilha intensamente, mas a lâmpada dos perversos se apagará.

[10] Da soberba só resulta a contenda, mas com os que se aconselham se acha a sabedoria.

[11] Os bens que facilmente se ganham, esses diminuem, mas o que ajunta à força do trabalho terá aumento.

[12] A esperança que se adia faz adoecer o coração, mas o desejo cumprido é árvore de vida.

[13] O que despreza a palavra a ela se apenhora, mas o que teme o mandamento será galardoado.

[14] O ensino do sábio é fonte de vida, para que se evitem os laços da morte.

[15] A boa inteligência consegue favor, mas o caminho dos pérfidos é intransitável.

[16] Todo prudente procede com conhecimento, mas o insensato espraia a sua loucura.

[17] O mau mensageiro se precipita no mal, mas o embaixador fiel é medicina.

[18] Pobreza e afronta sobrevêm ao que rejeita a instrução, mas o que guarda a repreensão será honrado.

[6]Cosnaíonn an tsuáilce an fear dea-bheatha; milleann an urchóid an peacach.

[7]Ligeann fear gan mhaoin air a bheith saibhir, agus ligeann fear eile lena lán maoine air a bheith dealbh.

[8]Fuasclaíonn a mhaoin an saibhir, ach níl [sás a ghill] ag an daibhir.

[9][Lonraíonn] lóchrann an fhíréin, ach tagann múchadh ar lampa an urchóidigh.

[10]Leanann aighneas stuacacht na n-éaganta; ach is ag lucht leanta na comhairle atá an eagna.

[11]Teipfidh an saibhreas éanuaire; ach beidh maoin ag an té a chnuasaíonn beagán ar bheagán.

[12]Goilleann an dóchas a théann i bhfad ar an gcroí; ach an mhian a shásaítear, déanann crann na beatha di.

[13]An té ar beag air an briathar, millfidh sé é féin; ach beidh luach a shaothair ag fear comhlíonta na n-aitheanta.

[14]Foinse beatha is ea teagasc an tsaoi, lena seachnaítear gaistí an bháis.

[15]Tugtar gean don léirthuiscint, ach is guaisiúil í slí na bhfeallairí.

[16]Ní dhéanann an duine críonna beart gan eolas, ach déanann an t-amadán a bhaois a fhógairt os ard.

[17]Tugann drochtheachtaire an tubaiste ar dhaoine, ach tugann teachtaire dílis íocshláinte.

[18]Bochtaine agus tarcaisne atá i ndán don té a chuireann suas don smacht, ach onóir don té a ghlacann le ceartú.

[19] O desejo que se cumpre agrada a alma, mas apartar-se do mal é abominável para os insensatos.

[20] Quem anda com os sábios será sábio, mas o companheiro dos insensatos se tornará mau.

[21] A desventura persegue os pecadores, mas os justos serão galardoados com o bem.

[22] O homem de bem deixa herança aos filhos de seus filhos, mas a riqueza do pecador é depositada para o justo.

[23] A terra virgem dos pobres dá mantimento em abundância, mas a falta de justiça o dissipa.

[24] O que retém a vara aborrece a seu filho, mas o que o ama, cedo, o disciplina.

[25] O justo tem o bastante para satisfazer o seu apetite, mas o estômago dos perversos passa fome.

Provérbios 14

[1] A mulher sábia edifica a sua casa, mas a insensata, com as próprias mãos, a derriba.

[2] O que anda na retidão teme ao SENHOR, mas o que anda em caminhos tortuosos, esse o despreza.

[3] Está na boca do insensato a vara para a sua própria soberba, mas os lábios do prudente o preservarão.

[19]Is milis leis an anam an mhian a chomhlíontar; ach is fuath le hamadáin droim a thabhairt leis an urchóid.

[20]An té a mbíonn caidreamh aige ar dhaoine eagnaí, éiríonn sé féin eagnaí; bíodh amadáin mar chairde aige, agus beidh sé thíos leis.

[21]Bíonn an mí-ádh sa tóir ar an bpeacach, ach bíonn an rath mar luach saothair ag an bhfíréan.

[22]Fágann an fear maith oidhreacht ag sliocht a shleachta; ach is ar mhaithe leis an bhfíréan a bhíonn maoin an pheacaigh á cnuasach.

[23]Tagann bia go flúirseach ó ithir an bhoicht, ach scuabann an éagóir ar shiúl é.

[24]An té a choigleann an tslat, fuathaíonn a mhac; an té a bhíonn fial ag ceartú, bíonn grá aige dó.

[25]Caitheann an fíréan a sháith, ach bíonn goile an urchóidigh follamh.

Seanfhocal 14

[1]Tógann an [eagna] teach di féin, ach déanann an bhaois é scartáil lena lámha féin.

[2]An té a shiúlann ar chosán na fíréantachta, bíonn eagla an Tiarna air; ach an té ar claon iad a bhealaí, is beag é a mheas air.

[3]Bíonn slat an uabhair i mbéal an amadáin, ach is díon iad a bheola don duine críonna.

[4] Não havendo bois, o celeiro fica limpo, mas pela força do boi há abundância de colheitas.

[4]Gan damh gan farae; le neart daimh tagann fómhar fial.

[5] A testemunha verdadeira não mente, mas a falsa se desboca em mentiras.

[5]Ní insíonn finné fírinneach bréag; ach tagann éitheach ón bhfinné bréagach le gach anáil.

[6] O escarnecedor procura a sabedoria e não a encontra, mas para o prudente o conhecimento é fácil.

[6]Bíonn sé fánach ag an scigire a bheith ag tóraíocht na heagna; tagann eolas go bog ar fhear na tuisceana.

[7] Foge da presença do homem insensato, porque nele não divisarás lábios de conhecimento.

[7]Seachain comhluadar an amadáin, ach cloígh le beola críonna.

[8] A sabedoria do prudente é entender o seu próprio caminho, mas a estultícia dos insensatos é enganadora.

[8]Sé is eagna leis an gcríonna, faire a choimeád ar a bhearta; cuireann baois na mbaoth daoine amú.

[9] Os loucos zombam do pecado, mas entre os retos há boa vontade.

[9]Déanann Dia fonóid faoi na hurchóidigh, ach bíonn a ghnaoi ar na fíréin.

[10] O coração conhece a sua própria amargura, e da sua alegria não participará o estranho.

[10]Is eol don chroí a bhrón féin, agus ní bhíonn an strainséir páirteach ina lúcháir.

[11] A casa dos perversos será destruída, mas a tenda dos retos florescerá.

[11]Scriosfar teach an urchóididh, ach beidh áitreabh an fhíréin faoi bhláth.

[12] Há caminho que ao homem parece direito, mas ao cabo dá em caminhos de morte.

[12]Tá cosán ann a shamhlaíonn díreach do dhuine ach níl de chríoch air ach slí an bháis.

[13] Até no riso tem dor o coração, e o fim da alegria é tristeza.

[13]Sa gháire féin bíonn cumha chroí, agus sé an dobrón is críoch don lúcháir.

[14] O infiel de coração dos seus próprios caminhos se farta, como do seu próprio proceder, o homem de bem.

[14]Bíonn an croí gan stuaim sásta lena imeachtaí féin, agus an fear cóir le fómhar a bheart.

[15] O simples dá crédito a toda palavra, mas o prudente atenta para os seus passos.

[15]Géilleann an duine saonta do gach scéal, ach ní thugann an duine críonna léim an daill.

[16] O sábio é cauteloso e desvia-se do mal, mas o insensato encoleriza-se e dá-se por seguro.

[16]Bíonn fear na céille gaoismhear ach bíonn an t-amadán gan smacht gan aire.

[17] O que presto se ira faz loucuras, e o homem de maus desígnios é odiado.

[17]Déanann an duine teasaí bearta baotha, ach bíonn foighne ag fear na tuisceana.

[18] Os simples herdam a estultícia, mas os prudentes se coroam de conhecimento.

[18]Bíonn seilbh ag na hamadáin ar an mbaois, ach bíonn eolas mar choróin ag lucht na gaoise.

[19] Os maus inclinam-se perante a face dos bons, e os perversos, junto às portas do justo.

[19]Cromann an t-olc roimh an mhaith, agus déanann an t-urchóideach amhlaidh ag geataí na bhfíréan.

[20] O pobre é odiado até do vizinho, mas o rico tem muitos amigos.

[20]Is fuath fiú lena chomharsa féin an bochtán; ach bíonn fuílleach cairde ag an saibhir.

[21] O que despreza ao seu vizinho peca, mas o que se compadece dos pobres é feliz.

[21]Peacach an té ar beag leis a chomharsa; ach is méanar don té ar trua leis an bochtán.

[22] Acaso, não erram os que maquinam o mal? Mas amor e fidelidade haverá para os que planejam o bem.

[22]Nach bhfuil breall ar lucht na claonbheartaíochta? Bíonn cneastacht agus dílse i ndán do lucht na scéimeanna córa.

[23] Em todo trabalho há proveito; meras palavras, porém, levam à penúria.

[23]Bíonn toradh ar gach saothar; níl de bharr cainte gan éifeacht ach an ghannchúis.

[24] Aos sábios a riqueza é coroa, mas a estultícia dos insensatos não passa de estultícia.

[24]Coróin na ngaoismhear a ngaois, an bhaois a bhíonn mar chraobh ag na baotha.

[25] A testemunha verdadeira livra almas, mas o que se desboca em mentiras é enganador.

[25]Sábhálann finné fírinneach daoine ón mbás; is fealltóir an bréagaire.

[26] No temor do SENHOR, tem o homem forte amparo, e isso é refúgio para os seus filhos.

[26]Ábhar teann muiníne ag duine is ea eagla an Tiarna; beidh sé mar thearmann ag a chlann.

[27] O temor do SENHOR é fonte de vida para evitar os laços da morte.

[27]Foinse beatha is ea eagla an Tiarna, lena seachnaíonn duine gaistí an bháis.

[28] Na multidão do povo, está a glória do rei, mas, na falta de povo, a ruína do príncipe.

[29] O longânimo é grande em entendimento, mas o de ânimo precipitado exalta a loucura.

[30] O ânimo sereno é a vida do corpo, mas a inveja é a podridão dos ossos.

[31] O que oprime ao pobre insulta aquele que o criou, mas a este honra o que se compadece do necessitado.

[32] Pela sua malícia é derribado o perverso, mas o justo, ainda morrendo, tem esperança.

[33] No coração do prudente, repousa a sabedoria, mas o que há no interior dos insensatos vem a lume.

[34] A justiça exalta as nações, mas o pecado é o opróbrio dos povos.

[35] O servo prudente goza do favor do rei, mas o que procede indignamente é objeto do seu furor.

[28]Mathshlua daoine is glóir ag rí; bíonn flaith faon nuair a bhíonn sé gan daoine.

[29]Is mór é tuiscint an té atá mall chun feirge; is [measa ná baoth] an fear lasánta.

[30]Cuireann an croí socair anam san fheoil, ach creimeann an fhearg na cnámha.

[31]Is masla dá chruthaitheoir luí ar an mbochtán; ach an té a bhíonn cineálta leis an mbocht, tugann sé onóir dó.

[32]Scriosann a urchóid féin an coirpeach; ach faigheann an fíréan foscadh óna dhea-iompar.

[33]Lonnaíonn an eagna i gcroí fhear na tuisceana ach [níl fiú aithne uirthi] i gcroí lucht na baoise.

[34]Déanann an tsuáilce cine a mhóradh, ach is tarcaisne ar aon náisiún an peaca.

[35]Bíonn gnaoi an rí ar an seirbhíseach cliste, ach bíonn a fhearg ar an té a dhéanann gníomh náireach.

Provérbios 15

[1] A resposta branda desvia o furor, mas a palavra dura suscita a ira.

[2] A língua dos sábios adorna o conhecimento, mas a boca dos insensatos derrama a estultícia.

[3] Os olhos do SENHOR estão em todo lugar, contemplando os maus e os bons.

[4] A língua serena é árvore de vida, mas a perversa quebranta o espírito.

[5] O insensato despreza a instrução de seu pai, mas o que atende à repreensão consegue a prudência.

Seanfhocal 15

[1]Cuireann freagra séimh an fhearg ar gcúl, ach músclaíonn briathra borba cuthach.

[2]Riarann teanga na n-eagnaí eolas, ach bíonn baois ar sileadh le béal na n-amadán.

[3]Tá súile an Tiarna i ngach treo, agus faire acu ar olc agus maith.

[4]Crann beatha í teanga shéimh, ach briseann an urchóid inti an croí.

[5]Bíonn drochmheas ag an amadán ar theagasc a athar, ach is gaoismhear é an té a ghlacann le ceartú.

[6] Na casa do justo há grande tesouro, mas na renda dos perversos há perturbação.

[7] A língua dos sábios derrama o conhecimento, mas o coração dos insensatos não procede assim.

[8] O sacrifício dos perversos é abominável ao SENHOR, mas a oração dos retos é o seu contentamento.

[9] O caminho do perverso é abominação ao SENHOR, mas este ama o que segue a justiça.

[10] Disciplina rigorosa há para o que deixa a vereda, e o que odeia a repreensão morrerá.

[11] O além e o abismo estão descobertos perante o SENHOR; quanto mais o coração dos filhos dos homens!

[12] O escarnecedor não ama àquele que o repreende, nem se chegará para os sábios.

[13] O coração alegre aformoseia o rosto, mas com a tristeza do coração o espírito se abate.

[14] O coração sábio procura o conhecimento, mas a boca dos insensatos se apascenta de estultícia.

[15] Todos os dias do aflito são maus, mas a alegria do coração é banquete contínuo.

[16] Melhor é o pouco, havendo o temor do SENHOR, do que grande tesouro onde há inquietação.

[17] Melhor é um prato de hortaliças onde há amor do que o boi cevado e, com ele, o ódio.

[6]Tá mórán maoine i dteach an fhíréin, ach leanann buairt cnuasach an choirpigh.

[7]Scaipeann beola na saoithe eolas; ní mar sin le croí na n-amadán.

[8]Is gráin leis an Tiarna íobairt an urchóidigh; is gean leis urnaí an fhíréin.

[9]Is gráin leis an Tiarna bealach an urchóidigh, ach is gean leis an té a mbíonn tóir aige ar an bhfíréantacht.

[10]Tá smachtú dian i ndán don té a thréigeann an cosán; an té ar fuath leis an ceartú, ní mhairfidh sé beo.

[11]Tá Seól agus Abadón ar leathadh roimh an Tiarna, nach mó ná sin atá croíthe na ndaoine!

[12]Ní maith leis an scigire é a cheartú, agus ní bhíonn caidreamh aige ar lucht na heagna.

[13]Gabhann gealgháire le háthas croí, ach briseann cumha chroí an misneach.

[14]Eolas is sprioc ag aigne an duine thuisceanaigh, ach baois an bia a bhíonn i mbéal na n-amadán.

[15]Is drochlá gach lá ag fear na buairte, ach is fleá gach lá ag an gcroí suairc.

[16]Is fearr an builín beag agus eagla an Tiarna ná an builín mór agus buairt dá réir.

[17]Is fearr de bhéile luibheanna agus grá leo ná mart méith agus gráin leis.

[18] O homem iracundo suscita contendas, mas o longânimo apazigua a luta.

[18]Adhnann an duine lasánta achrann, ach réitíonn an duine sochma aighneas.

[19] O caminho do preguiçoso é como que cercado de espinhos, mas a vereda dos retos é plana.

[19]Tá driseacha go tiubh ar chosán na leisceoirí, ach is ród réidh cosán [na ndícheallach].

[20] O filho sábio alegra a seu pai, mas o homem insensato despreza a sua mãe.

[20]Cuireann mac ciallmhar áthas ar a athair, ach bíonn drochmheas ag amadán ar a mháthair.

[21] A estultícia é alegria para o que carece de entendimento, mas o homem sábio anda retamente.

[21]Is breá leis an bhfear gan chiall an bhaois, ach siúlann an fear tuisceanach ar an gcosán díreach.

[22] Onde não há conselho fracassam os projetos, mas com os muitos conselheiros há bom êxito.

[22]Gan dea-chomhairle téann na pleananna amú, ach ritheann leo le cabhair mórán comhairleoirí.

[23] O homem se alegra em dar resposta adequada, e a palavra, a seu tempo, quão boa é!

[23]Gabhann áthas le freagra pras, agus nach maith é an focal i dtráth!

[24] Para o sábio há o caminho da vida que o leva para cima, a fim de evitar o inferno, embaixo.

[24]Seolann cosán an eagnaí in airde chun na beatha, agus seachnaíonn sé Seól laistíos.

[25] O SENHOR deita por terra a casa dos soberbos; contudo, mantém a herança da viúva.

[25]Leagann an Tiarna teach na n-uaibhreach ar lár, ach cosnaíonn sé teorainneacha na baintrí.

[26] Abomináveis são para o SENHOR os desígnios do mau, mas as palavras bondosas lhe são aprazíveis.

[26]Is gráin leis an Tiarna smaointe an choirpigh, ach is [gean leis] caint na neamhchiontach.

[27] O que é ávido por lucro desonesto transtorna a sua casa, mas o que odeia o suborno, esse viverá.

[27]An té a shantaíonn breis éagórach, tugann sé buaireamh sa mhullach ar a theach; ach an té ar fuath leis breabanna, beidh fad saoil aige.

[28] O coração do justo medita o que há de responder, mas a boca dos perversos transborda maldades.

[28]Déanann an fíréan machnamh ina chroí [ar bhearta fónta], ach sníonn mailís as béal lucht na hurchóide.

[29] O SENHOR está longe dos perversos, mas atende à oração dos justos.

[29]Is fada é an Tiarna ó na hurchóidigh, ach tugann sé cluas d'urnaí an fhíréin.

[30] O olhar de amigo alegra ao coração; as boas-novas fortalecem até os ossos.

[31] Os ouvidos que atendem à repreensão salutar no meio dos sábios têm a sua morada.

[32] O que rejeita a disciplina menospreza a sua alma, porém o que atende à repreensão adquire entendimento.

[33] O temor do SENHOR é a instrução da sabedoria, e a humildade precede a honra.

Provérbios 16

[1] O coração do homem pode fazer planos, mas a resposta certa dos lábios vem do SENHOR.

[2] Todos os caminhos do homem são puros aos seus olhos, mas o SENHOR pesa o espírito.

[3] Confia ao SENHOR as tuas obras, e os teus desígnios serão estabelecidos.

[4] O SENHOR fez todas as coisas para determinados fins e até o perverso, para o dia da calamidade.

[5] Abominável é ao SENHOR todo arrogante de coração; é evidente que não ficará impune.

[6] Pela misericórdia e pela verdade, se expia a culpa; e pelo temor do SENHOR os homens evitam o mal.

[7] Sendo o caminho dos homens agradável ao SENHOR, este reconcilia com eles os seus inimigos.

[8] Melhor é o pouco, havendo justiça, do que grandes rendimentos com injustiça.

[30]Cuireann súilfhéachaint chineálta áthas ar an gcroí, agus cuireann dea-scéala neart sna cnámha.

[31]An té a thugann cluas ghéar do cheartú folláin, beidh fáilte roimhe i gcomhluadar na saoithe.

[32]An té a dhiúltaíonn don smacht, níl meas aige air féin; an té a éisteann le ceartú faigheann sé breis tuisceana.

[33]Is teagasc san eagna é eagla an Tiarna; gabhann an umhlaíocht roimh an onóir.

Seanfhocal 16

[1]Déanann croí an duine an beartú; ach sé an Tiarna a thugann an freagra.

[2]Bíonn iompar an duine gan cháim dar leis féin, ach is é an Tiarna a thomhaiseann an intinn.

[3]Fág do shaothar go léir faoin Tiarna, agus cuirfear do phleananna go léir i gcrích.

[4]Rinne an Tiarna gach ní le haghaidh cuspóra ar leith, agus an t-urchóideach le haghaidh lá na tubaiste.

[5]Is fuath leis an Tiarna an croí uaibhreach, bí deimhin de nach rachaidh sé gan phionós.

[6]Déantar leorghníomh sa pheaca trí dhílseacht agus seasmhacht; seachnaíonn fear an t-olc le heagla an Tiarna.

[7]Nuair a thugann bealaí duine taitneamh don Tiarna, déanann sé cairde fiú dá eascairde.

[8]Is fearr an beagán agus an chóir ná an mórán agus an éagóir.

[9] O coração do homem traça o seu caminho, mas o SENHOR lhe dirige os passos.

[10] Nos lábios do rei se acham decisões autorizadas; no julgar não transgrida, pois, a sua boca.

[11] Peso e balança justos pertencem ao SENHOR; obra sua são todos os pesos da bolsa.

[12] A prática da impiedade é abominável para os reis, porque com justiça se estabelece o trono.

[13] Os lábios justos são o contentamento do rei, e ele ama o que fala coisas retas.

[14] O furor do rei são uns mensageiros de morte, mas o homem sábio o apazigua.

[15] O semblante alegre do rei significa vida, e a sua benevolência é como a nuvem que traz chuva serôdia.

[16] Quanto melhor é adquirir a sabedoria do que o ouro! E mais excelente, adquirir a prudência do que a prata!

[17] O caminho dos retos é desviar-se do mal; o que guarda o seu caminho preserva a sua alma.

[18] A soberba precede a ruína, e a altivez do espírito, a queda.

[19] Melhor é ser humilde de espírito com os humildes do que repartir o despojo com os soberbos.

[20] O que atenta para o ensino acha o bem, e o que confia no SENHOR, esse é feliz.

[9]Beartaíonn duine a chúrsa ina chroí ach sé an Tiarna a threoraíonn a chéimeanna.

[10]Tagann oracail ó bhéal an rí, ní dhéanann sé dearmad nuair a fhógraíonn a bhreith.

[11]Is leis an Tiarna an mheá agus na scálaí cothroma; is é a rinne na meáchana uile sa mhála.

[12]Is gráin le ríthe an t-olc a dhéanamh, mar is í an fhíréantacht is bonn faoin ríchathaoir.

[13]Bíonn fáilte ag an rí roimh bheola fíréanta; bíonn grá aige don té a labhraíonn go cóir.

[14]Teachtaire báis fearg rí, ach déanfaidh an t-eagnaí í a cheansú.

[15]Bíonn an bheatha i ngile ghnúis an rí, agus is geall le scamaill bháistí an earraigh a ghnaoi.

[16]Is fearr an eagna a aimsiú ná an t-ór; tóg tuiscint mar rogha thar an airgead.

[17]Casann ród an fhíréin i leataobh ón olc; an té a fhaireann cá bhfuil a thriall caomhnaíonn sé a bheo.

[18]Gabhann uabhar roimh thubaiste; agus éirí in airde roimh threascairt.

[19]Is fearr a bheith umhal ó chroí i measc na n-íseal ná an chreach a roinnt leis na huaibhrigh.

[20]Beidh an rath ar an té a thugann aird ar an mbriathar; is méanar don té a mbíonn a mhuinín aige as an Tiarna.

[21] O sábio de coração é chamado prudente, e a doçura no falar aumenta o saber.

[21]Tugtar fear na críonnachta ar an té atá eagnaí croí; cuireann milse briathar le meallacacht ráite.

[22] O entendimento, para aqueles que o possuem, é fonte de vida; mas, para o insensato, a sua estultícia lhe é castigo.

[22]Is foinse beatha an ghaois don té a bhfuil sí ina sheilbh ach is í an bhaois crá na n-amadán.

[23] O coração do sábio é mestre de sua boca e aumenta a persuasão nos seus lábios.

[23]Múineann croí an eagnaí gliceas dá bhéal, agus cuireann sé le meallacacht a bhriathar.

[24] Palavras agradáveis são como favo de mel: doces para a alma e medicina para o corpo.

[24]Is cuma nó cior mheala briathra séimhe; is milis iad le blaiseadh agus is sláintiúil iad don chorp.

[25] Há caminho que parece direito ao homem, mas afinal são caminhos de morte.

[25]Tá cosán ann a shamhlaíonn ceart do dhuine, ach níl de chríoch leis ach an bás.

[26] A fome do trabalhador o faz trabalhar, porque a sua boca a isso o incita.

[26]Bíonn goile an tsaothraí ag saothar dó, agus a chraos ocrach á ghriogadh.

[27] O homem depravado cava o mal, e nos seus lábios há como que fogo ardente.

[27]Beartaíonn an t-alfraits olc, agus is cuma nó tine loiscneach briathra a bhéil.

[28] O homem perverso espalha contendas, e o difamador separa os maiores amigos.

[28]Síolann an cealgaire aighneas, agus deighleann an béadánaí dlúthchairde óna chéile.

[29] O homem violento alicia o seu companheiro e guia-o por um caminho que não é bom.

[29]Cuireann an foréigneach a chomharsa ar seachrán, agus meallann é ar bhóthar nach fónta.

[30] Quem fecha os olhos imagina o mal, e, quando morde os lábios, o executa.

[30]Tá urchóid á taibhreamh d'fhear sméidte na súl, agus tá an t-olc déanta ag an té a chuireann grabhas air féin.

[31] Coroa de honra são as cãs, quando se acham no caminho da justiça.

[31]Coróin ghlóire é an ceann liath agus beatha fhíréanta a thuilleann í.

[32] Melhor é o longânimo do que o herói da guerra, e o que domina o seu espírito, do que o que toma uma cidade.

[32]Is fearr an duine stuama ná an gaiscíoch tréan; agus an té atá ina mháistir air féin ná an té a dhéanann cathair a ghabháil.

[33] A sorte se lança no regaço, mas do SENHOR procede toda decisão.

[33]Ar an ucht a chaitear na cranna, ach ón Tiarna a thagann an réiteach.

Provérbios 17

[1] Melhor é um bocado seco e tranqüilidade do que a casa farta de carnes e contendas.

[2] O escravo prudente dominará sobre o filho que causa vergonha e, entre os irmãos, terá parte na herança.

[3] O crisol prova a prata, e o forno, o ouro; mas aos corações prova o SENHOR.

[4] O malfazejo atenta para o lábio iníquo; o mentiroso inclina os ouvidos para a língua maligna.

[5] O que escarnece do pobre insulta ao que o criou; o que se alegra da calamidade não ficará impune.

[6] Coroa dos velhos são os filhos dos filhos; e a glória dos filhos são os pais.

[7] Ao insensato não convém a palavra excelente; quanto menos ao príncipe, o lábio mentiroso!

[8] Pedra mágica é o suborno aos olhos de quem o dá, e para onde quer que se volte terá seu proveito.

[9] O que encobre a transgressão adquire amor, mas o que traz o assunto à baila separa os maiores amigos.

[10] Mais fundo entra a repreensão no prudente do que cem açoites no insensato.

[11] O rebelde não busca senão o mal; por isso, mensageiro cruel se enviará contra ele.

Seanfhocal 17

[1]Is fearr crústa tur agus síocháin, ná teach fleá agus ceannairc.

[2]Sé an daor cliste an máistir nuair is drabhlásach é an mac; beidh sé i bpáirt leis na deartháireacha chun na hoidhreachta.

[3]Don airgead an breogán, don ór an sorn; ach le croíthe a phromhadh, tá an Tiarna ann.

[4]Éisteann an t-urchóideach le béal mailíseach, agus tugann an bréagaire aird ar theanga an bhéadáin.

[5]Masla don chruthaitheoir is ea fonóid faoin mbocht; an té a gháireann faoin ainnise, ní rachaidh sé gan phionós.

[6]Sliocht a sleachta coróin na sean; a n-athair glóir na clainne.

[7]Ní oireann béal soilbhir don bhaoth, ach is lú ná sin a oireann éitheach don phrionsa.

[8]Buachloch bread dar le fear a bronnta; ritheann leis cibé slí a chasann sé.

[9]An té a mhaitheann coir, spreagann sé grá; ach an té thagraíonn arís di, cuireann sé cairde in earraid.

[10]Fágann ceartú rian níos déine ar an bhfear tuisceanach, ná mar a fhágann céad buille ar an amadán.

[11]Níl a thaibhreamh don urchóideach ach ceannairc, cuirfear teachtaire dásachtach fána chomhair dá réir sin.

[12] Melhor é encontrar-se uma ursa roubada dos filhos do que o insensato na sua estultícia.

[12]B'fhearr teacht ar bheithir a chaill a cuid coileán ná ar amadán i mbun a bhaoise.

[13] Quanto àquele que paga o bem com o mal, não se apartará o mal da sua casa.

[13]An té a thugann olc mar chúiteamh ar mhaith, ní dhíbreoidh sé an t-olc óna theach.

[14] Como o abrir-se da represa, assim é o começo da contenda; desiste, pois, antes que haja rixas.

[14]Is cuma aighneas a thosú nó scaoileadh le tuile; buail cos air dá bhrí sin sula n-adhntar an t-achrann.

[15] O que justifica o perverso e o que condena o justo abomináveis são para o SENHOR, tanto um como o outro.

[15]An ciontach a shaoradh nó an neamhchiontach a dhaoradh, is gráin leis an Tiarna iad araon.

[16] De que serviria o dinheiro na mão do insensato para comprar a sabedoria, visto que não tem entendimento?

[16]Cén tairbhe airgead i láimh an amadáin le gaois a cheannach, agus é gan chiall?

[17] Em todo tempo ama o amigo, e na angústia se faz o irmão.

[17]Is cara cara i gcónaí, ach is d'uain na hainnise a shaolaítear deartháir.

[18] O homem falto de entendimento compromete-se, ficando por fiador do seu próximo.

[18]An fear gan chiall tugann sé gill agus téann i mbannaí lena chomharsa.

[19] O que ama a contenda ama o pecado; o que faz alta a sua porta facilita a própria queda.

[19]An té ar maith leis aighneas, is maith leis [buillí]; fear na mbriathra uaille, bíonn sé ag suirí le drochíde.

[20] O perverso de coração jamais achará o bem; e o que tem a língua dobre vem a cair no mal.

[20]Ní bhíonn sonas i ndán d'fhear an chroí chlaoin; titeann an tubaiste sa mhullach ar fhear na teanga fealltaí.

[21] O filho estulto é tristeza para o pai, e o pai do insensato não se alegra.

[21]Cúis bhróin dá athair an baothán mic; níl lúcháir i ndán d'athair amadáin.

[22] O coração alegre é bom remédio, mas o espírito abatido faz secar os ossos.

[22]Oideas fónta an croí meidhreach; seirgeann na cnámha le heaspa misnigh.

[23] O perverso aceita suborno secretamente, para perverter as veredas da justiça.

[23]Glacann an t-urchóidí breab faoi scáth brait, leis an gcóir a chur dá treoir.

24 A sabedoria é o alvo do inteligente, mas os olhos do insensato vagam pelas extremidades da terra.

25 O filho insensato é tristeza para o pai e amargura para quem o deu à luz.

26 Não é bom punir ao justo; é contra todo direito ferir ao príncipe.

27 Quem retém as palavras possui o conhecimento, e o sereno de espírito é homem de inteligência.

28 Até o estulto, quando se cala, é tido por sábio, e o que cerra os lábios, por sábio.

24Cuireann an fear tuisceanach an eagna roimhe, ach sroicheann raon súl an amadáin go himill na cruinne.

25Ábhar dóláis dá athair mac baoth, agus cúis bhróin é dá mháthair a thug ar an saol é.

26Níl sé cóir pionós a chur ar an bhfíréan, ach is measa fós an t-uasal a bhualadh.

27Tá eolas ag an té ar féidir leis smacht a chur ar a theanga; coimeádann an fear tuisceanach smacht air féin.

28Bíonn cáil na heagna fiú ar an amadán má choimeádann sé a bhéal dúnta; nuair nach mbíonn focal as, meastar go bhfuil sé cliste.

Provérbios 18

1 O solitário busca o seu próprio interesse e insurge-se contra a verdadeira sabedoria.

2 O insensato não tem prazer no entendimento, senão em externar o seu interior.

3 Vindo a perversidade, vem também o desprezo; e, com a ignomínia, a vergonha.

4 Águas profundas são as palavras da boca do homem, e a fonte da sabedoria, ribeiros transbordantes.

5 Não é bom ser parcial com o perverso, para torcer o direito contra os justos.

6 Os lábios do insensato entram na contenda, e por açoites brada a sua boca.

Seanfhocal 18

1An té a mhaireann leis féin, déanann sé mar is rogha leis agus cuireann [comhairle d'aon sórt] fearg air.

2Ní hé an machnamh is geal leis an amadán, ach bheith ag tabhairt a thuairime os ard.

3Nuair a thagann an urchóid leanann drochmheas chomh maith; agus leanann an easonóir an masla.

4Uiscí doimhne iad briathra an duine, tuile bhrúchtach, foinse eagna.

5Ní maith é lé a bheith leis an urchóideach, ná an fíréan a fhágáil ar díth córa.

6Tarraingíonn caint an amadáin aighneas air féin, agus tugann a bhéal cuireadh chun é a léasadh.

[7] A boca do insensato é a sua própria destruição, e os seus lábios, um laço para a sua alma.

[7]Scriosann béal an amadáin é féin, agus is gaiste dó a bheola.

[8] As palavras do maldizente são doces bocados que descem para o mais interior do ventre.

[8]Is geall le sóláis mhilse briathra an chúlchainteora, agus sleamhnaíonn siad síos isteach sa ghoile.

[9] Quem é negligente na sua obra já é irmão do desperdiçador.

[9]An té a bhíonn díomhaoin i mbun a ghnóthaí, is dearthair é don scriosadóir.

[10] Torre forte é o nome do SENHOR, à qual o justo se acolhe e está seguro.

[10]Túr daingean ainm an Tiarna, ritheann an fíréan faoina dhéin agus ní baol dó.

[11] Os bens do rico lhe são cidade forte e, segundo imagina, uma alta muralha.

[11]A mhaoin is cathair thréan don saibhir; is balla ard í, dar leis.

[12] Antes da ruína, gaba-se o coração do homem, e diante da honra vai a humildade.

[12]Bíonn uaill i gcroí an duine roimh é a scrios, ach umhlaíocht a ghabhann roimh onóir.

[13] Responder antes de ouvir é estultícia e vergonha.

[13]Baois agus náire is ea freagra a thabhairt gan éisteacht ar dtús.

[14] O espírito firme sustém o homem na sua doença, mas o espírito abatido, quem o pode suportar?

[14]Is féidir le meanma an duine breoiteacht a iompar, ach cé a d'fhéadfadh cur suas le heaspa misnigh?

[15] O coração do sábio adquire o conhecimento, e o ouvido dos sábios procura o saber.

[15]Faigheann an aigne éirímiúil greim ar an eolas, agus bíonn cluas an eagnaí ar thóir an eolais.

[16] O presente que o homem faz alarga-lhe o caminho e leva-o perante os grandes.

[16]Tuilleann bronntanas slí isteach do dhuine, agus tugann sé i láthair na bhflatha é.

[17] O que começa o pleito parece justo, até que vem o outro e o examina.

[17]Samhlaítear go mbíonn an ceart ag an té is túisce a chuireann a chás in iúl, nó go dtagann an dara duine agus go ndéanann scrúdú air.

[18] Pelo lançar da sorte, cessam os pleitos, e se decide a causa entre os poderosos.

[18]Cuireann an crann críoch le haighnis, agus déanann réiteach idir aighneasóirí cumhachtacha.

[19] O irmão ofendido resiste mais que uma fortaleza; suas contendas são ferrolhos de um castelo.

[20] Do fruto da boca o coração se farta, do que produzem os lábios se satisfaz.

[21] A morte e a vida estão no poder da língua; o que bem a utiliza come do seu fruto.

[22] O que acha uma esposa acha o bem e alcançou a benevolência do SENHOR.

[23] O pobre fala com súplicas, porém o rico responde com durezas.

[24] O homem que tem muitos amigos sai perdendo; mas há amigo mais chegado do que um irmão.

Provérbios 19

[1] Melhor é o pobre que anda na sua integridade do que o perverso de lábios e tolo.

[2] Não é bom proceder sem refletir, e peca quem é precipitado.

[3] A estultícia do homem perverte o seu caminho, mas é contra o SENHOR que o seu coração se ira.

[4] As riquezas multiplicam os amigos; mas, ao pobre, o seu próprio amigo o deixa.

[5] A falsa testemunha não fica impune, e o que profere mentiras não escapa.

[6] Ao generoso, muitos o adulam, e todos são amigos do que dá presentes.

[19]Is geall le cathair láidir deartháir a fhaigheann cúnamh dearthár; is cuma [cairde] nó barraí caisleáin.

[20]Nuair a bhíonn goile duine lán is trí shaothar a bhéil féin toradh a bhéil féin is sáith aige.

[21]Tá bás agus beatha faoi smacht na teanga; an mhuintir ar geal leo í, ní foláir dóibh a toradh a chaitheamh.

[22]An té a aimsíonn bean chéile, aimsíonn sé sonas, agus bíonn fabhar aige ón Tiarna.

[23]Achainíocha a bhíonn ar bhéal an bhochtáin, ach boirbeacht a thagann mar fhreagra ón saibhir.

[24][Tá cairde ann] a sheolann daoine chun na tubaiste, ach tá a thuilleadh ann ar gaire iad ná dearthái r.

Seanfhocal 19

[1]Is fearr an bochtán a mhaireann go fíréanta ná an té atá saibhir ach claon ina shlite.

[2]Ní maith í an díograis gan an machnamh; an té a bhrostaíonn a chéim, cailleann sé an tslí.

[3]A bhaois féin a scriosann conách duine, ach is ar an Tiarna a thugann sé aghaidh a chaoraíochta.

[4]Méadaíonn cairde le méadú maoine, ach tréigeann a aon chara an bochtán.

[5]Ní rachaidh an finné bréige gan phionós, agus ní rachaidh fear na mbréag slán.

[6]Bíonn a lán ar thóir fabhar ón bhfial; is cara ag gach aon duine an té a scaipeann bronntanais.

[7] Se os irmãos do pobre o aborrecem, quanto mais se afastarão dele os seus amigos! Corre após eles com súplicas, mas não os alcança.

[8] O que adquire entendimento ama a sua alma; o que conserva a inteligência acha o bem.

[9] A falsa testemunha não fica impune, e o que profere mentiras perece.

[10] Ao insensato não convém a vida regalada, quanto menos ao escravo dominar os príncipes!

[11] A discrição do homem o torna longânimo, e sua glória é perdoar as injúrias.

[12] Como o bramido do leão, assim é a indignação do rei; mas seu favor é como o orvalho sobre a erva.

[13] O filho insensato é a desgraça do pai, e um gotejar contínuo, as contenções da esposa.

[14] A casa e os bens vêm como herança dos pais; mas do SENHOR, a esposa prudente.

[15] A preguiça faz cair em profundo sono, e o ocioso vem a padecer fome.

[16] O que guarda o mandamento guarda a sua alma; mas o que despreza os seus caminhos, esse morre.

[17] Quem se compadece do pobre ao SENHOR empresta, e este lhe paga o seu benefício.

[7]Bíonn fuath ag a dheartháireacha go léir don bhochtán, nach mó ná sin mar a theitheann a chairde uaidh. …Bíonn focail de dhíth air, ach ní bhíonn siad ar láimh aige.

[8]An té a aimsíonn an eagna, fónann sé dó féin; an té a dhéanann cúram den tuiscint, aimsíonn sé sonas.

[9]Ní rachaidh an finné bréagach gan phionós, agus scriosfar an té a spalpann éitheach.

[10]Ní cuí don amadán maireachtáil i sócamas, agus is lú ná sin is cuí do dhaor bheith i gceannas ar fhlatha.

[11]Cuireann ciall srian le fearg duine, agus is glóir dó scaoileadh le coir.

[12]Is geall le glam leoin fearg rí, ach le drúcht ar fhéar a ghnaoi.

[13]Scriosann amadán mic a athair; is geall le sconna ar sileadh scabhlaeireacht mná.

[14]Tagann teach agus maoin mar oidhreacht athar, ach tagann bean chiallmhar ó láimh an Tiarna.

[15]Cuireann leisce duine i dtoirchim suain, ach beidh ocras fós ar an duine díomhaoin.

[16]An té a choimeádann na haitheanta, coimeádann sé é fein; an té ar beag leis an briathar, gheobhaidh sé bás.

[17]An té a bhíonn cineálta leis na boicht, tugann sé iasacht don Tiarna, déanfaidh sé cúiteamh ar son a ndearna sé.

[18] Castiga a teu filho, enquanto há esperança, mas não te excedas a ponto de matá-lo.

[19] Homem de grande ira tem de sofrer o dano; porque, se tu o livrares, virás ainda a fazê-lo de novo.

[20] Ouve o conselho e recebe a instrução, para que sejas sábio nos teus dias por vir.

[21] Muitos propósitos há no coração do homem, mas o desígnio do SENHOR permanecerá.

[22] O que torna agradável o homem é a sua misericórdia; o pobre é preferível ao mentiroso.

[23] O temor do SENHOR conduz à vida; aquele que o tem ficará satisfeito, e mal nenhum o visitará.

[24] O preguiçoso mete a mão no prato e não quer ter o trabalho de a levar à boca.

[25] Quando ferires ao escarnecedor, o simples aprenderá a prudência; repreende ao sábio, e crescerá em conhecimento.

[26] O que maltrata a seu pai ou manda embora a sua mãe filho é que envergonha e desonra.

[27] Filho meu, se deixas de ouvir a instrução, desviar-te-ás das palavras do conhecimento.

[28] A testemunha de Belial escarnece da justiça, e a boca dos perversos devora a iniqüidade.

[18]Cuir smacht ar do mhac fad a mhaireann an dóchas; ná cuir romhat é mhilleadh ar fad.

[19]Díolfaidh fear an drochmhianaigh as; scaoil leis agus is measa ná sin [a bheidh an scéal agat].

[20]Tabhair cluas do chomhairle, agus glac le teagasc, le go mbeadh breis gaoise agat as seo amach.

[21]Is iomaí beartas a bhíonn á dtaibhreamh do dhuine, ach is é aidhm an Tiarna a sheasfaidh buan.

[22]Bíonn súil le dílseacht ó dhuine, agus is fearr bochtán ná bréagaire.

[23]Seolann eagla Dé chun na beatha; an té a mbíonn sí aige, bíonn bia agus fothain aige, gan scéin roimh aon olc air.

[24]Tumann an leisceoir a chrobh sa mhias, ach ní bhacann le hé a bhreith chun a bhéil.

[25]Buail an scigire, agus mar sin is mó a bheidh an t-aineolaí san airdeall; ceartaigh fear na tuisceana agus beidh breis eolais aige.

[26]An té a chuireann a athair as seilbh, agus a chuireann a mháthair chun siúil, is mac gan náire é agus ábhar masla.

[27]Ná tabhair cluas do theagasc a thuilleadh, a mhic, más d'fhonn faillí a dhéanamh ina bhfuil le rá ag an eolas é.

[28]Tugann an drochfhinné tarcaisne don cheart; alpann craos an urchóidigh an t-olc.

[29] Preparados estão os juízos para os escarnecedores e os açoites, para as costas dos insensatos.

[29]Tá [an bata] ullamh do scigirí, agus léasadh do dhroim na n-amadán.

Provérbios 20

Seanfhocal 20

[1] O vinho é escarnecedor, e a bebida forte, alvoroçadora; todo aquele que por eles é vencido não é sábio.

[1]*Tá an fíon gan stuaim, agus is trodaire é an braon crua; níl aon chiall ag an té a mheallann sé.*

[2] Como o bramido do leão, é o terror do rei; o que lhe provoca a ira peca contra a sua própria vida.

[2]Is geall le glam leoin fearg rí, agus an té a ghriogann chun cuthaigh é, milleann sé a bheatha féin.

[3] Honroso é para o homem o desviar-se de contendas, mas todo insensato se mete em rixas.

[3]Is onóir do dhuine aighneas a sheachaint, ach beidh gach amadán ag achrann.

[4] O preguiçoso não lavra por causa do inverno, pelo que, na sega, procura e nada encontra.

[4]Tá an fómhar thart, ach níl aon treabhadh déanta ag an leisceoir; beidh súil in airde aige in am an bhainte, ach ní beidh dada ann dó.

[5] Como águas profundas, são os propósitos do coração do homem, mas o homem de inteligência sabe descobri-los.

[5]Is cuma nó uisce domhain a mbíonn ar aigne ag duine ina chroí istigh; níl ag an duine tuisceanach ach é a tharraingt amach.

[6] Muitos proclamam a sua própria benignidade; mas o homem fidedigno, quem o achará?

[6]Is iomaí duine a deir go bhfuil sé féin dílis, ach cé a aimseoidh fear inmhuiníne?

[7] O justo anda na sua integridade; felizes lhe são os filhos depois dele.

[7]An fíréan a bhfuil a bhealaí gan cháim, is méanar dá chlann ina dhiaidh.

[8] Assentando-se o rei no trono do juízo, com os seus olhos dissipa todo mal.

[8]An rí a shuíonn ina shuí breithimh, scagann sé gach olc lena shúile.

[9] Quem pode dizer: Purifiquei o meu coração, limpo estou do meu pecado?

[9]Cé ar féidir leis a rá: “Ghlan mé mo chroí, táim saor ó mo pheaca?”

[10] Dois pesos e duas medidas, uns e outras são abomináveis ao SENHOR.

[10]Meáchan anseo, a mhalairt ansiúd; tomhas anseo tomhas eile thall; is gráin leis an Tiarna iadsan araon.

[11] Até a criança se dá a conhecer pelas suas ações, se o que faz é puro e reto.

[12] O ouvido que ouve e o olho que vê, o SENHOR os fez, tanto um como o outro.

[13] Não ames o sono, para que não empobreças; abre os olhos e te fartarás do teu próprio pão.

[14] Nada vale, nada vale, diz o comprador, mas, indo-se, então, se gaba.

[15] Há ouro e abundância de pérolas, mas os lábios instruídos são jóia preciosa.

[16] Tome-se a roupa àquele que fica fiador por outrem; e, por penhor, àquele que se obriga por estrangeiros.

[17] Suave é ao homem o pão ganho por fraude, mas, depois, a sua boca se encherá de pedrinhas de areia.

[18] Os planos mediante os conselhos têm bom êxito; faze a guerra com prudência.

[19] O mexeriqueiro revela o segredo; portanto, não te metas com quem muito abre os lábios.

[20] A quem amaldiçoa a seu pai ou a sua mãe, apagar-se-lhe-á a lâmpada nas mais densas trevas.

[21] A posse antecipada de uma herança no fim não será abençoada.

[11]Taispeánann an leanbh dúinn fiú agus é ag súgradh, an olc nó an maith a bheidh a bhearta.

[12]An tsúil a fheiceann agus an chluas a chluineann, is é an Tiarna a rinne iad araon.

[13]Ná bí ceanúil ar an gcodladh, nó beidh an bhochtaine agat mar chéile; bíodh do shúile ar leathadh agus beidh flúirse bia agat.

[14]"Níl aon mhaith ann, níl sin," a deir an ceannaí ach imíonn sé leis agus é ag maíomh as féin.

[15]Tá an t-ór ann, agus raidhse cloch lómhar, ach is iad beola an eolais an tseoid róluachmhar.

[16]Tóg brat duine nuair a théann sé i mbannaí le strainséir; bíodh sé féin mar gheall agat nuair a théann sé in urrús le coimhthígh.

[17]Faigheann duine blas milis ar an mbia a fuarthas trí chalaois, ach is geall le grean ina bhéal é ina dhiaidh sin.

[18]Meáigh do bhearta i gcomhairle le daoine eile; agus fear cath le treoir chiallmhar.

[19]Déanann an cardálaí rúin a nochtadh; ná bíodh caidreamh agat dá bhrí sin le fear na baothchainte.

[20]Má chuireann duine mallacht ar athair nó ar mháthair, múchfar a lóchrann faoi dhorchadas dubh.

[21]An oidhreacht a fuarthas de gheit ar dtús, ní bheidh beannacht uirthi faoi dheireadh.

[22] Não digas: Vingar-me-ei do mal; espera pelo SENHOR, e ele te livrará.

[23] Dois pesos são coisa abominável ao SENHOR, e balança enganosa não é boa.

[24] Os passos do homem são dirigidos pelo SENHOR; como, pois, poderá o homem entender o seu caminho?

[25] Laço é para o homem o dizer precipitadamente: É santo! E só refletir depois de fazer o voto.

[26] O rei sábio joeira os perversos e faz passar sobre eles a roda.

[27] O espírito do homem é a lâmpada do SENHOR, a qual esquadrinha todo o mais íntimo do corpo.

[28] Amor e fidelidade preservam o rei, e com benignidade sustém ele o seu trono.

[29] O ornato dos jovens é a sua força, e a beleza dos velhos, as suas cãs.

[30] Os vergões das feridas purificam do mal, e os açoites, o mais íntimo do corpo.

Provérbios 21

[1] Como ribeiros de águas assim é o coração do rei na mão do SENHOR; este, segundo o seu querer, o inclina.

[2] Todo caminho do homem é reto aos seus próprios olhos, mas o SENHOR sonda os corações.

[3] Exercitar justiça e juízo é mais aceitável ao SENHOR do que sacrifício.

[22]Ná habair: “Déanfaidh mé an t-olc a chúiteamh”; ach bíodh do dhóchas as an Tiarna agus tiocfaidh sé i gcabhair ort.

[23]Is fuath leis an Tiarna malairtí meáchan; ní maith iad na meánna fealltacha.

[24]Treoraíonn an Tiarna céimeanna an duine; conas más ea is féidir dó a bhealach a thuiscint?

[25]Is gaiste roimh dhuine a rá de phreib: “Tá sé tíolactha,” agus gan machnamh a dhéanamh ach tar éis a mhóide.

[26]Déanann an rí cliste na hurchóidigh a cháitheadh, agus tiomáineann an roth tharstu.

[27]Sé spiorad an duine lampa an Tiarna, ag spiúnadh doimhneas a chroí.

[28]Déanann cinéaltas is dílse an rí a chosaint, agus is í an fhíréantacht teannta a ríchathaoireach.

[29]A neart féin glóir na n-ógánach, ach an ceann liath maise na seanóirí.

[30]Is maith an leigheas ar an olc buillí créachtaithe; agus glanann buillí an t-ionathar.

Seanfhocal 21

[1]Tá croí an rí i láimh an Tiarna mar shruthán uisce; iompaíonn sé é cibé treo is toil leis.

[2]D'fhéadfadh iompar duine bheith ceart ina shúile féin, ach meánn an Tiarna an croí.

[3]An ceart is an chóir a dhéanamh, is taitneamhaí é sin leis an Tiarna ná íobairt ar bith.

[4] Olhar altivo e coração orgulhoso, a lâmpada dos perversos, são pecado.

[4]Súile uaibhreacha agus croí díomasach, is lóchrann drochdhaoine iad agus níl iontu ach peaca.

[5] Os planos do diligente tendem à abundância, mas a pressa excessiva, à pobreza.

[5]Téann smaointe an duine dhícheallaigh chun sochair dó; an bhochtaine amháin is dán don luaithintinneach.

[6] Trabalhar por adquirir tesouro com língua falsa é vaidade e laço mortal.

[6]Gnothú maoine le teanga bhréagach, gal soip é agus baol báis.

[7] A violência dos perversos os arrebata, porque recusam praticar a justiça.

[7]Déanfaidh foréigean na n-urchóideach iad a scriosadh, mar nach áil leo an ceart a dhéanamh.

[8] Tortuoso é o caminho do homem carregado de culpa, mas reto, o proceder do honesto.

[8]Is cam é casán an chiontaigh, ach is íon é iompar an duine ionraic.

[9] Melhor é morar no canto do eirado do que junto com a mulher rixosa na mesma casa.

[9]Is fearr cur fút i gcúil sa lochta, ná bheith in aontíos le bean achrainn.

[10] A alma do perverso deseja o mal; nem o seu vizinho recebe dele compaixão.

[10]Tá dúil san olc i gcroí an drochdhuine; ní ghlacann sé trua dá chomharsana riamh.

[11] Quando o escarnecedor é castigado, o simples se torna sábio; e, quando o sábio é instruído, recebe o conhecimento.

[11]Déantar saoi den daoi nuair a smachtaítear an tarcaisneoir; foghlaimíonn sé ceacht nuair a bhíonn an rath ar an bhfíréan.

[12] O Justo considera a casa dos perversos e os arrasta para o mal.

[12]Breathnaíonn an fíréan ar theach an drochdhuine, agus basctar na héagráifigh de dheasca a n-urchóide.

[13] O que tapa o ouvido ao clamor do pobre também clamará e não será ouvido.

[13]An té a thugann cluas bhodhar d'éamh an bhochtáin nuair a ghlaofaidh sé féin, ní eistfear leis.

[14] O presente que se dá em segredo abate a ira, e a dádiva em sigilo, uma forte indignação.

[14]Cuireann tabhartas faoi choim fearg chun suain, agus múchann breab faoin mbrat an cuthach feirge.

[15] Praticar a justiça é alegria para o justo, mas espanto, para os que praticam a iniqüidade.

[16] O homem que se desvia do caminho do entendimento na congregação dos mortos repousará.

[17] Quem ama os prazeres empobrecerá, quem ama o vinho e o azeite jamais enriquecerá.

[18] O perverso serve de resgate para o justo; e, para os retos, o pérfido.

[19] Melhor é morar numa terra deserta do que com a mulher rixosa e iracunda.

[20] Tesouro desejável e azeite há na casa do sábio, mas o homem insensato os desperdiça.

[21] O que segue a justiça e a bondade achará a vida, a justiça e a honra.

[22] O sábio escala a cidade dos valentes e derriba a fortaleza em que ela confia.

[23] O que guarda a boca e a língua guarda a sua alma das angústias.

[24] Quanto ao soberbo e presumido, zombador é seu nome; procede com indignação e arrogância.

[25] O preguiçoso morre desejando, porque as suas mãos recusam trabalhar.

[26] O cobiçoso cobiça todo o dia, mas o justo dá e nada retém.

[15]Is lúcháir don fhíréan an ceart a chur i bhfeidhm, ach is uafás é do na hurchóidigh.

[16]An té a théann ar fán ó chosán na tuisceana, ligfidh sé a scíth i gcomhluadar na scáileanna.

[17]Beidh an mhuintir a bhfuil dúil acu sa só, gan mhaoin; agus an té atá tugtha don fhíon agus don ola ní bheidh sé saibhir.

[18]Tá an t-urchóideach mar gheall leis an bhfíréan, agus an feallaire leis an ionraic.

[19]Is fearr cur fút san fhásach ná le báirseach cancrach mná.

[20]Tá maoin luachmhar agus ola i dteach an duine chríonna, ach déanfaidh an t-amadán é a alpadh.

[21]An té a théann sa tóir ar an gcóir agus ar an gcineáltas, beidh idir bheatha agus chóir agus onóir aige.

[22]Dhéanfadh an duine críonna dúnfort na ngaiscíoch a dhreapadh, agus an daingean as a mbíonn a muinín a scartadh.

[23]An té a chuireann smacht ar a bhéal agus ar a theanga, seachnaíonn sé tubaiste.

[24]Scigire a thugtar ar fhear an uabhair is an díomais, agus bíonn éirí in airde ina iompar.

[25]Is trúig bháis don leisceoir a ainmhian féin, mar ní áil lena lámha aon bheart a dhéanamh.

[26]Bíonn saint gan staonadh ar fhear an oilc, ach ní théann aon stad ar an bhfíréan ach ag dáileadh gan doicheall.

[27] O sacrifício dos perversos já é abominação; quanto mais oferecendo-o com intenção maligna!

[28] A testemunha falsa perecerá, mas a auricular falará sem ser contestada.

[29] O homem perverso mostra dureza no rosto, mas o reto considera o seu caminho.

[30] Não há sabedoria, nem inteligência, nem mesmo conselho contra o SENHOR.

[31] O cavalo prepara-se para o dia da batalha, mas a vitória vem do SENHOR.

[27]Níl ach gráiniúlacht in íobairt na n-urchóideach, agus is mó ná sin is amhlaidh é nuair is le drochintinn í.

[28]Déanfar an finné bréige a mhilleadh, ach tabharfar cluas i gcónaí d'fhocail an duine ghéilliúil.

[29]Bíonn gothaí na muiníne ar an urchóideach; déanann an fíréan a bhearta féin a mheá.

[30]Ní sheasódh eagna ná tuiscint ná comhairle an fód in aghaidh an Tiarna.

[31]Déantar an t-each a ghléasadh le haghaidh lá an chatha, ach is é an Tiarna a bheireann bua.

Provérbios 22

[1] Mais vale o bom nome do que as muitas riquezas; e o ser estimado é melhor do que a prata e o ouro.

[2] O rico e o pobre se encontram; a um e a outro faz o SENHOR.

[3] O prudente vê o mal e esconde-se; mas os simples passam adiante e sofrem a pena.

[4] O galardão da humildade e o temor do SENHOR são riquezas, e honra, e vida.

[5] Espinhos e laços há no caminho do perverso; o que guarda a sua alma retira-se para longe deles.

[6] Ensina a criança no caminho em que deve andar, e, ainda quando for velho, não se desviará dele.

[7] O rico domina sobre o pobre, e o que toma emprestado é servo do que empresta.

Seanfhocal 22

[1]Tá dea-cháil le roghnú thar bhreis maoine, agus is fearr dea-mheas ort ná airgead nó ór.

[2]Casann an saibhir ar an daibhir; sé an Tiarna a rinne iad go léir.

[3]Feiceann fear na céille an baol chuige agus téann i bhfolach uaidh; téann na baotháin ar aghaidh agus díolann siad as.

[4]Sé luach saothair na humhlaíochta agus eagla an Tiarna ná saibhreas, onóir agus fad saoil.

[5]Tá dealga agus gaistí ar chosán an urchóidigh; an té a thugann aire do féin, déanfaidh sé é féin a sheachaint orthu.

[6]Déan an leanbh a oiliúint sa bhealach is dual dó; agus nuair a rachaidh sé in aois ní thréigfidh sé é.

[7]Bíonn an toiceach ag mursanacht ar an mbochtán, agus bíonn fear na hiasachta faoi bhois an té a thug rud dó.

[8] O que semeia a injustiça segará males; e a vara da sua indignação falhará.

[9] O generoso será abençoado, porque dá do seu pão ao pobre.

[10] Lança fora o escarnecedor, e com ele se irá a contenda; cessarão as demandas e a ignomínia.

[11] O que ama a pureza do coração e é grácil no falar terá por amigo o rei.

[12] Os olhos do SENHOR conservam aquele que tem conhecimento, mas as palavras do iníquo ele transtornará.

[13] Diz o preguiçoso: Um leão está lá fora; serei morto no meio das ruas.

[14] Cova profunda é a boca da mulher estranha; aquele contra quem o SENHOR se irar cairá nela.

[15] A estultícia está ligada ao coração da criança, mas a vara da disciplina a afastará dela.

[16] O que oprime ao pobre para enriquecer a si ou o que dá ao rico certamente empobrecerá.

Preceitos e admoestações dos sábios

[17] Inclina o ouvido, e ouve as palavras dos sábios, e aplica o coração ao meu conhecimento.

[18] Porque é coisa agradável os guardares no teu coração e os aplicares todos aos teus lábios.

[19] Para que a tua confiança esteja no SENHOR, quero dar-te hoje a instrução, a ti mesmo.

[8]An té a shíolann an éagóir, beidh fómhar na tubaiste aige; air féin a [thitfidh] bata a chuthaigh.

[9]Tá beannacht i ndán don duine cineálta, mar roinneann sé a chuid aráin leis an mbochtán.

[10]Tabhair bata is bóthar don scigire agus baileoidh an t-aighneas leis, agus beidh deireadh le hachrann is le hachasán.

[11]Tá cion ag [an Tiarna] ar an gcroí glan, agus is cara don rí fear na cainte caoine.

[12]Déanann súile an Tiarna an t-eolas a fhaire, ach leagann sé ar lár briathra na mbréagairí.

[13]“Tá leon lasmuigh,” a deir an leisceoir! “Marófar sa tsráid mé!”

[14]Cuithe domhain béal mná deoranta; an té a bhfuil an Tiarna i bhfearg leis, titfidh sé inti.

[15]Tá an bhaois ginte i gcroí an linbh; ach déanfaidh slat an smachtaithe í a dhíbirt i gcéin as.

[16]Luigh ar an mbochtán agus bronnfar maoin air; tabhair rud don saibhir agus déanfaidh tú é a chreachadh.

Ráitis na Saoithe

[17]Ráitis na saoithe: Tabhair cluas agus éist le briathra na saoithe, agus crom ar a bhfoghlaim.

[18]Beidh sé ina shólás agat iad a choimeád i do chroí, agus iad go léir a bheith mar phionna ar do bheola.

[19]Tá [do chosán] á thaispeáint agam duit inniu le go mbeadh do mhuinín agat as an Tiarna.

[20] Porventura, não te escrevi excelentes coisas acerca de conselhos e conhecimentos,
[21] para mostrar-te a certeza das palavras da verdade, a fim de que possas responder claramente aos que te enviarem?
[22] Não roubes ao pobre, porque é pobre, nem oprimas em juízo ao aflito,
[23] porque o SENHOR defenderá a causa deles e tirará a vida aos que os despojam.
[24] Não te associes com o iracundo, nem andes com o homem colérico,
[25] para que não aprendas as suas veredas e, assim, enlaces a tua alma.
[26] Não estejas entre os que se comprometem e ficam por fiadores de dívidas,
[27] pois, se não tens com que pagar, por que arriscas perder a cama de debaixo de ti?
[28] Não removas os marcos antigos que puseram teus pais.
[29] Vês a um homem perito na sua obra? Perante reis será posto; não entre a plebe.

[20]Nach bhfuil [deich gcaibidil fichead] de chomhairlí agus de ghaois scríofa agam duit,
[21]Le go mbeifeá in ann an fhírinne a léiriú, agus lucht do cheistithe a fhreagairt le briathra stuama?
[22]Ná creach an bochtán mar gur bochtán é, agus ná ciap aon duine atá á bhuaireamh i ngeata na cathrach;
[23]Óir déanfaidh an Tiarna a gcúis a agairt, agus ídeoidh sé lucht a n-ídithe.
[24]Ná déan muintearas leis an té atá tugtha don fhearg, agus ná bíodh caidreamh agat ar fhear drochmhianaigh,
[25]Le heagla go bhfoghlaimeofá a bhealaí, agus go mbéarfaí ort i ngaiste.
[26]Ná bí ar dhuine díobh siúd a thugann gill, agus a théann in urrús le fiacha.
[27]Mura mbíonn sás d'fhuascailte agat, tógfaidh siad an leaba a bheidh fút.
[28]Ná haistrigh cloch ársa theorann, a leag do shinsir ina leaba.
[29]An bhfeiceann tú duine atá oilte ar a ghnó? déanfaidh sé freastal ar ríthe; ní do shuaracháin a bheidh sé ag fónamh.

Provérbios 23

[1] Quando te assentares a comer com um governador, atenta bem para aquele que está diante de ti;
[2] mete uma faca à tua garganta, se és homem glutão.
[3] Não cobices os seus delicados manjares, porque são comidas enganadoras.

Seanfhocal 23

[1]Má shuíonn tú ag bord le flaith, tabhair faoi deara go cúramach céard atá leagtha romhat.
[2]Cuir scian chun do scornaí, má tá luí le craos agat.
[3]Ná cuir dúil ina shólais, mar níl siad iontaofa mar bhia.

[4] Não te fatigues para seres rico; não apliques nisso a tua inteligência.

[5] Porventura, fitarás os olhos naquilo que não é nada? Pois, certamente, a riqueza fará para si asas, como a águia que voa pelos céus.

[6] Não comas o pão do invejoso, nem cobices os seus delicados manjares.

[7] Porque, como imagina em sua alma, assim ele é; ele te diz: Come e bebe; mas o seu coração não está contigo.

[8] Vomitarás o bocado que comeste e perderás as tuas suaves palavras.

[9] Não fales aos ouvidos do insensato, porque desprezará a sabedoria das tuas palavras.

[10] Não removas os marcos antigos, nem entres nos campos dos órfãos,

[11] porque o seu Vingador é forte e lhes pleiteará a causa contra ti.

[12] Aplica o coração ao ensino e os ouvidos às palavras do conhecimento.

[13] Não retires da criança a disciplina, pois, se a fustigares com a vara, não morrerá.

[14] Tu a fustigarás com a vara e livrarás a sua alma do inferno.

[15] Filho meu, se o teu coração for sábio, alegrar-se-á também o meu;

[16] exultará o meu íntimo, quando os teus lábios falarem coisas retas.

[17] Não tenha o teu coração inveja dos pecadores; antes, no temor do SENHOR perseverarás todo dia.

[4]Ná caith do dhúthracht ag cnuasach maoine, agus ná bain le [breis bhradaigh].

[5]Caith súil uirthi agus imeoidh sí léi, fásfaidh sciatháin uirthi, dála an iolair a eitlíonn chun na spéire.

[6]Ná caith béile le duine gortach agus ná bíodh dúil agat ina shólais,

[7]Ba gheall le [hanfa] ina scornach é agus le seirbhe ina chraos; “Bí ag ithe agus ag ól,” a deir sé leat, ach ní ó chroí é.

[8]Déanfaidh tú cibé beagán a íosfaidh tú a aiseag, agus rachaidh do bhladar amú.

[9]Ná cuir caint amú ar amadán, mar nach dtuigfidh sé ciall do ráite.

[10]Ná haistrigh an chloch ársa theorann, agus ná déan bradaíocht ar thalamh dílleachtaí.

[11]Óir is tréan é a bhfuasclóir, agus déanfaidh sé a gcúis a thagairt i d'aghaidh.

[12]Cuir do chroí sa teagasc, agus tabhair cluas do bhriathra na gaoise.

[13]Nara leasc leat smachtú linbh; ní trúig bháis dó buille bata.

[14]Buail buille bata air agus déanfair a anam a fhuascailt ó Sheól.

[15]A mhic, má tá do chroí-se ciallmhar, ansin beidh lúcháir ar mo chroí féin;

[16]Beidh mé féin meidhreach meanmnach nuair a sceithfidh do bhéal briathra córa.

[17]Ná bíodh do chroí in éad le peacaigh, ach bí go teann gach lá faoi eagla an Tiarna;

[18] Porque deveras haverá bom futuro; não será frustrada a tua esperança.

[19] Ouve, filho meu, e sê sábio; guia retamente no caminho o teu coração.

[20] Não estejas entre os bebedores de vinho nem entre os comilões de carne.

[21] Porque o beberrão e o comilão caem em pobreza; e a sonolência vestirá de trapos o homem.

[22] Ouve a teu pai, que te gerou, e não desprezes a tua mãe, quando vier a envelhecer.

[23] Compra a verdade e não a vendas; compra a sabedoria, a instrução e o entendimento.

[24] Grandemente se regozijará o pai do justo, e quem gerar a um sábio nele se alegrará.

[25] Alegrem-se teu pai e tua mãe, e regozije-se a que te deu à luz.

[26] Dá-me, filho meu, o teu coração, e os teus olhos se agradem dos meus caminhos.

[27] Pois cova profunda é a prostituta, poço estreito, a alheia.

[28] Ela, como salteador, se põe a espreitar e multiplica entre os homens os infiéis.

[29] Para quem são os ais? Para quem, os pesares? Para quem, as rixas? Para quem, as queixas? Para quem, as feridas sem causa? E para quem, os olhos vermelhos?

[30] Para os que se demoram em beber vinho, para os que andam buscando bebida misturada.

[18]Óir tiocfaidh an lá amárach, agus ní rachaidh do dhóchas amú.

[19]Éist liom, a mhic, agus bíodh ciall agat, agus stiúraigh do chroí i slí [na gaoise].

[20]Ná taobhaigh lucht na síormheisce, ná craosairí gnáth na feola.

[21]Óir lomann an pótaire is an craosaire iad féin, agus ní fhágann an mhíogarnach ach balcaisí ar dhroim duine.

[22]Éist leis an athair a ghin thú, agus ná bíodh drochmheas agat ar do mháthair ina seanaois.

[23]Ná déan an fhírinne riamh a dhíol, ach í a cheannach, mar an gcéanna le heagna, le smacht, agus le tuiscint.

[24]Beidh lúcháir, ar ndóigh, ar athair an fhíréin; an té a ghineann mac ciallmhar, beidh áthas air dá bharr.

[25]Gura tú ábhar lúcháire d'athar agus suáilceas na mná a d'iompair thú!

[26]Tabhair dom do chroí, a mhic, agus bíodh do shúile ar mo chomhairle:

[27]Cuithe domhain an striapach, agus tobar cúng í an bhean dheoranta.

[28]Bíonn sí ag faire amach dála an bhithiúnaigh, agus is iomaí fear ar a mbuaileann sí bob.

[29]Cé dó is mairg thar cách, cé dó is léan? cé dó is dán an t-aighneas, agus an gearán? agus buillí ó gach taobh? agus scamall sa tsúil?

[30]Do mhéiseálaithe fíona a bhíonn ag tnúth de shíor le fíon dea-chumaisc.

[31] Não olhes para o vinho, quando se mostra vermelho, quando resplandece no copo e se escoa suavemente.

[31]Ná bí tógtha le fíon nuair is dearg é, nuair a bhíonn sé ag spréacharnach sa chorn, ná nuair a shníonn sé siar go socair.

[32] Pois ao cabo morderá como a cobra e picará como o basilisco.

[32]Ar deireadh snapann sé mar a dhéanfadh nathair, agus tá cealg ann mar atá san nathair nimhe.

[33] Os teus olhos verão coisas esquisitas, e o teu coração falará perversidades.

[33]Feicfidh do shúile nithe aisteacha, agus tiocfaidh briathra earráideacha ó íochtar do chroí.

[34] Serás como o que se deita no meio do mar e como o que se deita no alto do mastro

[34]Beidh tú amhail duine ina chodladh i lár an aigéin, amhail duine ina shuan ar an stiúir.

[35] e dirás: Espancaram-me, e não me doeu; bateram-me, e não o senti; quando despertarei? Então, tornarei a beber.

[35]“Buaileadar mé, an ea?” déarfaidh tú, “ach níor gortaíodh mé; ar léasadar mé? ach ní bhraithim aon ní; cathain a dhúiseoidh mé…? Beidh deoch eile uaim.”

Provérbios 24

Seanfhocal 24

[1] Não tenhas inveja dos homens malignos, nem queiras estar com eles,

[1]Ná bí in éad le hurchóidigh, ná ag tnúth lena gcuideachta.

[2] porque o seu coração maquina violência, e os seus lábios falam para o mal.

[2]Foréigean atá á bheartú ina gcroí acu, agus mailís atá ina mbéal acu.

[3] Com a sabedoria edifica-se a casa, e com a inteligência ela se firma;

[3]Le heagna a thógtar teach agus le tuiscint a bhunaítear é.

[4] pelo conhecimento se encherão as câmaras de toda sorte de bens, preciosos e deleitáveis.

[4]Le barr eolais a líontar stórais, le maoin de gach sórt idir luachmhar agus tharraingteach.

[5] Mais poder tem o sábio do que o forte, e o homem de conhecimento, mais do que o robusto.

[5]Is fearr an críonna ná an tréan, fear na gaoise ná fear [an ghaisce].

[6] Com medidas de prudência farás a guerra; na multidão de conselheiros está a vitória.

[6]Dea-threoir a bhuann cath, agus is le meitheal chomhairleoirí an chaithréim.

[7] A sabedoria é alta demais para o insensato; no juízo, a sua boca não terá palavra.
[8] Ao que cuida em fazer o mal, mestre de intrigas lhe chamarão.
[9] Os desígnios do insensato são pecado, e o escarnecedor é abominável aos homens.
[10] Se te mostras fraco no dia da angústia, a tua força é pequena.
[11] Livra os que estão sendo levados para a morte e salva os que cambaleiam indo para serem mortos.
[12] Se disseres: Não o soubemos, não o perceberá aquele que pesa os corações? Não o saberá aquele que atenta para a tua alma? E não pagará ele ao homem segundo as suas obras?
[13] Filho meu, saboreia o mel, porque é saudável, e o favo, porque é doce ao teu paladar.
[14] Então, sabe que assim é a sabedoria para a tua alma; se a achares, haverá bom futuro, e não será frustrada a tua esperança.
[15] Não te ponhas de emboscada, ó perverso, contra a habitação do justo, nem assoles o lugar do seu repouso,
[16] porque sete vezes cairá o justo e se levantará; mas os perversos são derribados pela calamidade.
[17] Quando cair o teu inimigo, não te alegres, e não se regozije o teu coração quando ele tropeçar;

[7]Tá an eagna ró-ard don amadán agus ní bhíonn smid as ag geata na cathrach.
[8]An té atá ag beartú an oilc, tabharfar fear clampair air.
[9]Níl ach an peaca á thaibhreamh do na hamadáin; is gráin le daoine an scigire.
[10]Má chailleann tú do mhisneach, ní bheidh ach laige i do neart i lá na hanachana.
[11]Fuascail an mhuintir atá á seoladh chun báis; tarrthaigh an mhuintir atá á mbreith chun a mbásaithe.
[12]Má deir tú: “Ach féach, ní raibh a fhios againn,” an amhlaidh atá an té a mheánn an croí gan tuiscint, agus an té a bhreithníonn an t-anam gan eolas? déanfaidh sé an t-aisíoc is dual do bhearta duine.
[13]Ith mil, a mhic, mar is maith í; is milis le blaiseadh an mhil a shileann ón gcriathar.
[14]Sé an dála céanna é ag eagna do d'anam, bíodh a fhios agat; má fhaigheann tú í, tiocfaidh an lá amárach agus ní rachaidh do dhóchas amú.
[15]Ná cuir luíochán, a urchóidigh, ar áitreabh an fhíréin, agus ná déan a theach a chreachadh.
[16]Óir titeann an fíréan faoi seacht, ach éiríonn arís; ach déanann an tubaiste na hurchóidigh a threascairt.
[17]Má thiteann do namhaid, ná cuireadh sin lúcháir ort; nuair a bhaintear tuisle as, ná tagadh éirí croí ort,

[18] para que o SENHOR não veja isso, e lhe desagrade, e desvie dele a sua ira.

[19] Não te aflijas por causa dos malfeitores, nem tenhas inveja dos perversos,
[20] porque o maligno não terá bom futuro, e a lâmpada dos perversos se apagará.

[21] Teme ao SENHOR, filho meu, e ao rei e não te associes com os revoltosos.

[22] Porque de repente levantará a sua perdição, e a ruína que virá daqueles dois, quem a conhecerá?

Mais alguns provérbios dos sábios

[23] São também estes provérbios dos sábios. Parcialidade no julgar não é bom.

[24] O que disser ao perverso: Tu és justo; pelo povo será maldito e detestado pelas nações.

[25] Mas os que o repreenderem se acharão bem, e sobre eles virão grandes bênçãos.

[26] Como beijo nos lábios, é a resposta com palavras retas.
[27] Cuida dos teus negócios lá fora, apronta a lavoura no campo e, depois, edifica a tua casa.
[28] Não sejas testemunha sem causa contra o teu próximo, nem o enganes com os teus lábios.

[29] Não digas: Como ele me fez a mim, assim lhe farei a ele; pagarei a cada um segundo a sua obra.

[18]Le heagla go bhfeicfeadh an Tiarna agus nach mbeadh sé sásta, agus go n-iompódh sé a fhearg uaidh.
[19]Ná cuireadh lucht an oilc caduaic ort, agus ná bí in éad le drochdhaoine.
[20]Óir níl aon ní i ndán don drochdhuine agus múchfar lóchrann an urchóidigh.
[21]Bíodh eagla ort féin roimh an Tiarna, a mhic ó, agus roimh an rí, agus ná déan ceannairc in aghaidh ceachtar díobh.
[22]Óir is tobann mar a bhladhmfaidh a ndíoltas, agus cé dó is eol an scrios a sheolfaidh siad araon?

Cnuasach Eile

[23]Ráitis leis na saoithe iad seo inár ndiaidh chomh maith: Ní cóir é an leathchuma i mbreithiúnas.
[24]An té a deir: “Tá tú neamhchiontach,” leis an gciontach, ní bheidh ach mallacht i ndán dó ó na ciníocha agus fuath ó na náisiúin.
[25]Ach an mhuintir a cheartaíonn na hurchóidigh, beidh ábhar áthais acu, agus beidh beannacht orthu.
[26]An té a thugann freagra ionraic, pógann sé do bheola, geall leis.
[27]Leag amach a bhfuil romhat ar an mbán, agus déan do phrapáil ar an machaire; imigh leat ansin agus tóg do theach.
[28]Ná tabhair fianaise in aghaidh do chomharsan gan ábhar, agus ná meall daoine le briathra do bhéil.
[29]Ná habair: “Tabharfaidh mé an cor céanna airsean agus a thug seisean ormsa; déanfaidh mé an cúiteamh is dual dóibh le cách.”

[30] Passei pelo campo do preguiçoso e junto à vinha do homem falto de entendimento;
[31] eis que tudo estava cheio de espinhos, a sua superfície, coberta de urtigas, e o seu muro de pedra, em ruínas.

[32] Tendo-o visto, considerei; vi e recebi a instrução.

[33] Um pouco para dormir, um pouco para tosquenejar, um pouco para encruzar os braços em repouso,
[34] assim sobrevirá a tua pobreza como um ladrão, e a tua necessidade, como um homem armado.

Provérbios 25

Símiles e lições morais

[1] São também estes provérbios de Salomão, os quais transcreveram os homens de Ezequias, rei de Judá.
[2] A glória de Deus é encobrir as coisas, mas a glória dos reis é esquadrinhá-las.
[3] Como a altura dos céus e a profundeza da terra, assim o coração dos reis é insondável.
[4] Tira da prata a escória, e sairá vaso para o ourives;

[5] tira o perverso da presença do rei, e o seu trono se firmará na justiça.

[6] Não te glories na presença do rei, nem te ponhas no meio dos grandes;
[7] porque melhor é que te digam: Sobe para aqui!, do que seres humilhado diante do príncipe. A respeito do que os teus olhos viram,

[30]Ghabh mé thar ghort an leisceora, agus thar fhíonghort an duine gan chiall.
[31]Féach, bhí brat de dheilgneach air, é clúdaithe le neantóga agus a bhalla cloch leagtha ar lár.
[32]Rinne mé mo mhachnamh agus mé ag breathnú air agus d'fhoghlaim mé an ceacht seo ón radharc:
[33]"Néal beag codalta, múisiam beag, agus na lámha a fhilleadh ar a chéile le scíth a ligean,
[34]Ansin beidh an bhochtaine le d'ais mar bhithiúnach agus an ghannchúis mar robálaí."

Seanfhocal 25

Dara Cnuasach Sholaimh

[1]Seanfhocail le Solamh iad seo inár ndiaidh freisin agus is é Hiziciá, rí Iúdá, a bhreac cóip díobh.
[2]Rún a cheilt glóir Dé, ach é a ransú go grinn glóir ríthe.
[3]Fág gur ard iad na flaithis agus gur domhain é an talamh, níl dul ar chroí na ríthe a iniúchadh.
[4]Scag an dríodar ón airgead agus tiocfaidh sé amach glan.
[5]Díbir na hurchóidigh ó láthair an rí agus beidh a ríchathaoir bunaithe ar an bhfíréantacht.
[6]Ná bíodh mustar ort i láthair an rí, agus ná seas in áit na bhflatha,

[7]Óir is fearr go ndéarfaí: "Gabh anseo aníos," ná go ndéanfaí thú a ísliú i láthair an phrionsa. An rud a chonaic do shúile,

[8] não te apresses a litigar, pois, ao fim, que farás, quando o teu próximo te puser em apuros?

[9] Pleiteia a tua causa diretamente com o teu próximo e não descubras o segredo de outrem;

[10] para que não te vitupere aquele que te ouvir, e não se te apegue a tua infâmia.

[11] Como maçãs de ouro em salvas de prata, assim é a palavra dita a seu tempo.

[12] Como pendentes e jóias de ouro puro, assim é o sábio repreensor para o ouvido atento.

[13] Como o frescor de neve no tempo da ceifa, assim é o mensageiro fiel para com os que o enviam, porque refrigera a alma dos seus senhores.

[14] Como nuvens e ventos que não trazem chuva, assim é o homem que se gaba de dádivas que não fez.

[15] A longanimidade persuade o príncipe, e a língua branda esmaga ossos.

[16] Achaste mel? Come apenas o que te basta, para que não te fartes dele e venhas a vomitá-lo.

[17] Não sejas freqüente na casa do teu próximo, para que não se enfade de ti e te aborreça.

[18] Maça, espada e flecha aguda é o homem que levanta falso testemunho contra o seu próximo.

[8]ná sceith é go róthobann sa chúirt. Óir céard a dhéanfaidh tú ar deireadh má bhréagnaíonn do chomharsana thú?

[9]Tagair do chúis le do chomharsa, ach ná sceith rún duine eile,

[10]Le heagla go ndéanfaidh an té a chluinfeadh thú é a chasadh leat, agus go gcaillfeá do chlú go léir.

[11]An focal i luí gaidhte, is cuma é nó úlla óir i leaba airgid.

[12]Fáinne óir nó ornáid d'ór fíre, sin mar atá ceartú críonna i gcluais a éisteann.

[13]Is cuma nó fionnuaire sneachta fómhair an teachtaire a bhíonn dílis do lucht a sheolta; cuireann sé misneach i gcroí a mháistir.

[14]Scamaill is clocha, ach gan braon fearthainne, sin mar atá ag fear na ngealltanas mór gan comhlíonadh.

[15]Is féidir breitheamh a bhogadh le foighne; briseann béal bán cnámh.

[16]Má fhaigheann tú mil, ith do dhóthain di, ach ná déan craos nó déanfaidh tú í a aiseag.

[17]Téigh go hannamh go teach do chomharsan, le heagla go n-éireoidh sé bréan díot agus go dtiocfadh fuath aige duit.

[18]Is cuma nó cleith nó claíomh nó ga géar an té a thugann fianaise bhréige in aghaidh a chomharsan.

[19] Como dente quebrado e pé sem firmeza, assim é a confiança no desleal, no tempo da angústia.

[20] Como quem se despe num dia de frio e como vinagre sobre feridas, assim é o que entoa canções junto ao coração aflito.

[21] Se o que te aborrece tiver fome, dá-lhe pão para comer; se tiver sede, dá-lhe água para beber,

[22] porque assim amontoarás brasas vivas sobre a sua cabeça, e o SENHOR te retribuirá.

[23] O vento norte traz chuva, e a língua fingida, o rosto irado.

[24] Melhor é morar no canto do eirado do que junto com a mulher rixosa na mesma casa.

[25] Como água fria para o sedento, tais são as boas-novas vindas de um país remoto.

[26] Como fonte que foi turvada e manancial corrupto, assim é o justo que cede ao perverso.

[27] Comer muito mel não é bom; assim, procurar a própria honra não é honra.

[28] Como cidade derribada, que não tem muros, assim é o homem que não tem domínio próprio.

Provérbios 26

[1] Como a neve no verão e como a chuva na ceifa, assim, a honra não convém ao insensato.

[19]Is cuma nó fiacail lofa nó cos leonta fear gan dílseacht ar a mbeifí ag brath in am an ghátair;

[20]bheadh sé chomh maith agat do bhrat a bhaint díot sa doineann. Is cuma nó fínéagra a chur i gcréacht amhráin a chasadh do chroí duairc.

[21]Má tá ocras ar do namhaid, tabhair greim le n-ithe dó; nó tart, tabhair braon le n-ól dó.

[22]Beidh sméaróidí tine á gcarnadh agat ar a cheann sa tslí sin, agus déanfaidh an Tiarna é a chúiteamh leat.

[23]Tagann fearthainn ó bhroinn na gaoithe aduaidh, agus muc ar an malainn ó theanga an bhéadánaí.

[24]Is fearr cur fút i gcúil sa lochta, ná bheith in aontíos le bean achrainn.

[25]Is cuma nó uisce fuar i scornach thirim, dea-scéala ón gcoigríoch.

[26]Is cuma nó tobar a suaitheadh nó foinse a truailleadh, an fíréan a chúbann roimh an urchóideach.

[27][Ní maith í póit mheala, ná géilleadh do bhladar.]

[28]An fear gan smacht air féin, is cuma é nó cathair ar leathadh gan cóir chosanta.

Seanfhocal 26

[1]Ní oireann sneachta don samhradh, ná báisteach don fhómhar, agus ní mó ná sin a oireann onóir don amadán.

[2] Como o pássaro que foge, como a andorinha no seu vôo, assim, a maldição sem causa não se cumpre.

[3] O açoite é para o cavalo, o freio, para o jumento, e a vara, para as costas dos insensatos.

[4] Não respondas ao insensato segundo a sua estultícia, para que não te faças semelhante a ele.

[5] Ao insensato responde segundo a sua estultícia, para que não seja ele sábio aos seus próprios olhos.

[6] Os pés corta e o dano sofre quem manda mensagens por intermédio do insensato.

[7] As pernas do coxo pendem bambas; assim é o provérbio na boca dos insensatos.

[8] Como o que atira pedra preciosa num montão de ruínas, assim é o que dá honra ao insensato.

[9] Como galho de espinhos na mão do bêbado, assim é o provérbio na boca dos insensatos.

[10] Como um flecheiro que a todos fere, assim é o que assalaria os insensatos e os transgressores.

[11] Como o cão que torna ao seu vômito, assim é o insensato que reitera a sua estultícia.

[12] Tens visto a um homem que é sábio a seus próprios olhos? Maior esperança há no insensato do que nele.

[13] Diz o preguiçoso: Um leão está no caminho; um leão está nas ruas.

[2]Dála an ghealbhain a éalaíonn agus na fáinleoige a sceinneann, ní luíonn an mhallacht nach dual ar a sprioc.

[3]Lasc don each, srian don asal agus bata do dhroim na n-amadán.

[4]Ná tabhair freagra ar an mbaothán de réir a bhaoise, le heagla go rachfá i gcosúlacht leis.

[5]Tabhair freagra ar an mbaothán de réir a bhaoise le heagla go measfadh sé go raibh aige gaois.

[6]An té a chuireann amadán ar theachtaireacht, (gearrann sé na cosa de féin agus) ólann sé deoch shearbh.

[7]Chomh guagach le cosa an bhacaigh ar sileadh leis gan tairbhe, sin mar atá seanfhocal i mbéal na n-amadán.

[8]Is cuma nó cloch a cheangal go teann de chranntabhaill, onóir a thabhairt d'amadán.

[9]Is cuma nó tor droighin i láimh an mheisceora seanfhocal i mbéal amadán.

[10]Is cuma nó áirseoir a ghoineann gach duine a ghabhann an treo, an té a fhostaíonn amadán [nó meisceoir].

[11]Is cuma nó madra a fhilleann ar a aiseag an t-amadán a fhilleann ar a bhaois.

[12]An bhfeiceann tú duine atá ciallmhar dar leis féin? Is mó an dóchas atá ann don amadán na dósan.

[13]“Tá leon ar an mbóthar,” a deir an leisceoir, “tá leon sna sráideanna.”

[14] Como a porta se revolve nos seus gonzos, assim, o preguiçoso, no seu leito.

[15] O preguiçoso mete a mão no prato e não quer ter o trabalho de a levar à boca.

[16] Mais sábio é o preguiçoso a seus próprios olhos do que sete homens que sabem responder bem.

[17] Quem se mete em questão alheia é como aquele que toma pelas orelhas um cão que passa.

[18] Como o louco que lança fogo, flechas e morte,

[19] assim é o homem que engana a seu próximo e diz: Fiz isso por brincadeira.

[20] Sem lenha, o fogo se apaga; e, não havendo maldizente, cessa a contenda.

[21] Como o carvão é para a brasa, e a lenha, para o fogo, assim é o homem contencioso para acender rixas.

[22] As palavras do maldizente são comida fina, que desce para o mais interior do ventre.

[23] Como vaso de barro coberto de escórias de prata, assim são os lábios amorosos e o coração maligno.

[24] Aquele que aborrece dissimula com os lábios, mas no íntimo encobre o engano;

[25] quando te falar suavemente, não te fies nele, porque sete abominações há no seu coração.

[14]Dála na comhla a chasann ar a tuislí, casann an leisceoir ina leaba.

[15]Tumann an leisceoir a chrobh sa mhias ach tá sé róthraochta le hé a bhreith chun a bhéil.

[16]Is ciallmhaire an leisceoir dar leis féin ná seachtar fear a d'fhreagródh le stuaim.

[17]Is cuma nó breith ar chluasa mhadra fáin dul sáite in achrainn na gcomharsana.

[18]Dála na geilte a chaitheann sméaróidí tine saigheada agus bás,

[19]Sin é mar atá ag an té a mheallann a chomharsa agus a deir ansin: “Ní raibh ann ach seó!”

[20]Cheal brosna téann an tine in éag; cheal cúlchainteora, téann aighneas chun suain.

[21]Gualach don ghríosach, brosna do thine, agus fear achrainn le haighneas a adhaint.

[22]Is geall le sólais bhlasta focail an chúlchainteora, sleamhnaíonn siad síos isteach sa ghoile.

[23]Is cuma nó gléas airgid ar áras cré beola sleamhna le croí claon.

[24]An fear fuatha, bíonn aige beola mealltacha; agus an feall go domhain istigh.

[25]Ná bíodh muinín agat as nuair a labhraíonn sé go lách, óir tá seacht ngráiniúlacht ina chliabhlach.

[26] Ainda que o seu ódio se encobre com engano, a sua malícia se descobrirá publicamente.

[26]Fág go rachadh an fuath i bhfolach faoin gcalaois, déanfar a urchóid a nochtadh i láthair an tionóil.

[27] Quem abre uma cova nela cairá; e a pedra rolará sobre quem a revolve.

[27]An té a thochlann poll, titeann sé ann, agus filleann an chloch ar an té a bhaineann an chéad chasadh aisti.

[28] A língua falsa aborrece a quem feriu, e a boca lisonjeira é causa de ruína.

[28]Is gráin leis an mbéal bréagach an fhírinne, agus is scriostóir é an béal bán.

Provérbios 27

Seanfhocal 27

[1] Não te glories do dia de amanhã, porque não sabes o que trará à luz.

[1]Ná bí ag maíomh i dtaobh an lae amárach, mar ní eol duit cad a thiocfaidh mar chuid leis an lá.

[2] Seja outro o que te louve, e não a tua boca; o estrangeiro, e não os teus lábios.

[2]Moladh an fear thall thú, agus ná déanadh do bhéal féin é; déanadh an strainseir é, ach ná déanadh do bheola féin.

[3] Pesada é a pedra, e a areia é uma carga; mas a ira do insensato é mais pesada do que uma e outra.

[3]Is trom í an chloch agus tá meáchan sa ghaineamh, ach is troime ná iad araon ciapadh ó amadán.

[4] Cruel é o furor, e impetuosa, a ira, mas quem pode resistir à inveja?

[4]Is dian é an cuthach agus is tréan í an fhearg, ach cé sheasódh an fód in aghaidh an fhormaid?

[5] Melhor é a repreensão franca do que o amor encoberto.

[5]Is fearr ceartú os ard ná grá faoi cheilt.

[6] Leais são as feridas feitas pelo que ama, porém os beijos de quem odeia são enganosos.

[6]Créachta gan ghoimh a thugann cara; is iomadúil iad póga eascarad.

[7] A alma farta pisa o favo de mel, mas à alma faminta todo amargo é doce.

[7]Is beag ar an sáitheach mil, ach is milis leis an ocrach gach searbh.

[8] Qual ave que vagueia longe do seu ninho, tal é o homem que anda vagueando longe do seu lar.

[8]Is cuma nó éan ar fán óna nead fear atá ar fán óna bhaile.

[9] Como o óleo e o perfume alegram o coração, assim, o amigo encontra doçura no conselho cordial.

[9]Baineann ola na comhairle an ceo den chroí, ach cuireann milse an mhuintearais sólás ar an anam.

[10] Não abandones o teu amigo, nem o amigo de teu pai, nem entres na casa de teu irmão no dia da tua adversidade. Mais vale o vizinho perto do que o irmão longe.
[11] Sê sábio, filho meu, e alegra o meu coração, para que eu saiba responder àqueles que me afrontam.
[12] O prudente vê o mal e esconde-se; mas os simples passam adiante e sofrem a pena.

[13] Tome-se a roupa àquele que fica fiador por outrem; e, por penhor, àquele que se obriga por mulher estranha.

[14] O que bendiz ao seu vizinho em alta voz, logo de manhã, por maldição lhe atribuem o que faz.
[15] O gotejar contínuo no dia de grande chuva e a mulher rixosa são semelhantes;

[16] contê-la seria conter o vento, seria pegar o óleo na mão.

[17] Como o ferro com o ferro se afia, assim, o homem, ao seu amigo.
[18] O que trata da figueira comerá do seu fruto; e o que cuida do seu senhor será honrado.
[19] Como na água o rosto corresponde ao rosto, assim, o coração do homem, ao homem.

[20] O inferno e o abismo nunca se fartam, e os olhos do homem nunca se satisfazem.

[10]Ná tréig do chara, ná cara d'athar; ná rith go teach do dhearthár lá na tubaiste. Is fearr comharsa i mbéal an dorais ná dearthár i bhfad ó bhaile.
[11]“Bíodh ciall agat, a mhic, agus cuir lúcháir ar mo chroí, le go mbeadh freagra agam ar fhear mo mhaslaithe.
[12]Feiceann fear na céille an baol chuige agus téann i bhfolach uaidh; téann na baotháin ar aghaidh agus díolann siad as.
[13]Tóg brat duine nuair a théann sé i mbannaí le strainséir, bíodh sé féin mar gheall agat nuair a théann sé in urrús le coimhthígh.
[14]An té a chuirfidh a bheannacht os ard ar a chomharsa i mochóirí na maidine, áireofar é a bheith ag mallachtú.
[15]Is cuma nó sconna ar sileadh gan staonadh lá baistí, báirseoir mná;
[16]Is geall le bheith ag smachtú na gaoithe, nó ag fáil greim deasóige ar an ola, bheith ag iarraidh í a chosc.
[17]Iarann a chuireann faobhar ar iarann; agus cuireann fear faobhar ar fhear eile.
[18]An té a shaothraíonn an crann fígí, íosfaidh sé a thoradh; an té a thugann aire dá mháistir, tabharfar onóir dó.

[19][Faoi mar nach ionann ceannaithe aon bheirte], ní ionann croíthe na ndaoine.

[20]Ní bhíonn Seól ná Abadón riamh sásta ná ní bhíonn súile an duine sásta riamh ach chomh maith.

[21] Como o crisol prova a prata, e o forno, o ouro, assim, o homem é provado pelos louvores que recebe.

[22] Ainda que pises o insensato com mão de gral entre grãos pilados de cevada, não se vai dele a sua estultícia.

[23] Procura conhecer o estado das tuas ovelhas e cuida dos teus rebanhos,

[24] porque as riquezas não duram para sempre, nem a coroa, de geração em geração.

[25] Quando, removido o feno, aparecerem os renovos e se recolherem as ervas dos montes,

[26] então, os cordeiros te darão as vestes, os bodes, o preço do campo,

[27] e as cabras, leite em abundância para teu alimento, para alimento da tua casa e para sustento das tuas servas.

[21]Don airgead an breogán, agus don ór an sorn, agus fear le briathra lucht bladair a mheas.

[22]Brúigh an t-amadán sa mhoirtéar le tuairgnín, (fara grán meilte) ach ní scarfaidh a bhaois leis.

[23]Bíodh staid do thréada ar eolas agat go maith, agus tabhair aire mhaith do do tháinte.

[24]Ní buan maoin, agus an maireann saibhreas ó aois go haois?

[25]Nuair a imeoidh an féar, go dtiocfaidh an t-athfhás, agus go mbailítear an foráiste ón sliabh,

[26]Ní foláir go soláthróidh na huain brat duit, agus na gabhair cíos do ghort,

[27]Agus bainne na ngabhar do sháith bia do do theaghlach, agus beatha do do bhanseirbhísigh.

Provérbios 28

Provérbios antitéticos

[1] Fogem os perversos, sem que ninguém os persiga; mas o justo é intrépido como o leão.

[2] Por causa da transgressão da terra, mudam-se freqüentemente os príncipes, mas por um, sábio e prudente, se faz estável a sua ordem.

[3] O homem pobre que oprime os pobres é como chuva que a tudo arrasta e não deixa trigo.

[4] Os que desamparam a lei louvam o perverso, mas os que guardam a lei se indignam contra ele.

Seanfhocal 28

[1]*Teitheann an t-urchóideach agus gan aon duine sa tóir air; tá an fíréan chomh cróga le leon.*

[2]Bíonn rialtóirí ina scuainí ag tír de bharr a pheacaí; ach is fada buan a mhairfidh sé má bhíonn rialtoirí tuisceanacha eagnaí aige.

[3]An bochtán a luíonn ar na bochtáin, is geall le batharnach báistí é nach bhfágann ruainne le n-ithe.

[4]Lucht tréigthe an dlí, molann siad na hurchóidigh; ach an mhuintir a

chomhlíonann é, cuireann siad ina n-aghaidh.

[5] Os homens maus não entendem o que é justo, mas os que buscam o SENHOR entendem tudo.

[5]Ní thuigeann na hurchóidigh cad is cóir ann, ach tuigeann lucht eagla an Tiarna gach ní.

[6] Melhor é o pobre que anda na sua integridade do que o perverso, nos seus caminhos, ainda que seja rico.

[6]Is fearr fear bocht a shiúlann san fhíréantacht, ná fear saibhir na mbealaí claon.

[7] O que guarda a lei é filho prudente, mas o companheiro de libertinos envergonha a seu pai.

[7]Mac gaoismhear a choimeádann an dlí, ach tugann comrádaí na ndrabhlásach náire dá athair.

[8] O que aumenta os seus bens com juros e ganância ajunta-os para o que se compadece do pobre.

[8]An té chuireann lena mhaoin le caimiléireacht agus le húsaireacht, is do dhuine eile a scaipfidh ar na boicht a dhéanann sé cnuasach.

[9] O que desvia os ouvidos de ouvir a lei, até a sua oração será abominável.

[9]An té a iompaíonn a chluas ó éisteacht leis an dlí, is gráiniúlacht fiú a urnaí.

[10] O que desvia os retos para o mau caminho, ele mesmo cairá na cova que fez, mas os íntegros herdarão o bem.

[10]An té a chuirfidh an fíréan ar seachrán ar bhealach an oilc titfidh sé isteach ina chuithe féin. Siad an mhuintir neamhchiontach oidhrí an tsonais.

[11] O homem rico é sábio aos seus próprios olhos; mas o pobre que é sábio sabe sondá-lo.

[11]Is críonna é an saibhir, dar leis féin, ach béarfaidh an bocht air má bhíonn tuiscint ann.

[12] Quando triunfam os justos, há grande festividade; quando, porém, sobem os perversos, os homens se escondem.

[12]Nuair a bhíonn an lá leis na fíréin, is mór í an lúcháir; nuair a fhaigheann na hurchóidigh ceannas, téann daoine i bhfolach.

[13] O que encobre as suas transgressões jamais prosperará; mas o que as confessa e deixa alcançará misericórdia.

[13]Ní rithfidh leis an té a cheileann a chionta; ach an té a admhaíonn iad agus a thréigeann iad, déanfar trócaire air.

[14] Feliz o homem constante no temor de Deus; mas o que endurece o coração cairá no mal.

[14]Is méanar don té ar a bhfuil eagla [an Tiarna] i gcónaí, ach an té a chruann a chroí, titfidh an tubaiste sa mhullach air.

[15] Como leão que ruge e urso que ataca, assim é o perverso que domina sobre um povo pobre.

[15]Is cuma nó leon cuthaigh, nó beithir ocrach, drochrialtóir ar phobal bocht.

[16] O príncipe falto de inteligência multiplica as opressões, mas o que aborrece a avareza viverá muitos anos.

[16]An rialtóir gan stuaim, is fear leatroim é; an té ar fuath leis an tsaint, gnóthóidh sé fad saoil.

[17] O homem carregado do sangue de outrem fugirá até à cova; ninguém o detenha.

[17]An té ar a bhfuil fuil duine eile, beidh sé ina theifeach go bás; ná tabhair cabhair dó.

[18] O que anda em integridade será salvo, mas o perverso em seus caminhos cairá logo.

[18]Déanfar an té a shiúlann san fhíréantacht a fhuascailt; ach an té a bhíonn go guagach idir dhá bhealach, titfidh sé ar cheann acu.

[19] O que lavra a sua terra virá a fartar-se de pão, mas o que se ajunta a vadios se fartará de pobreza.

[19]Beidh flúirse aráin ag an té a shaothraíonn a chuid talún, ach raidhse bochtaine ag an té a leanann beartais bhaotha.

[20] O homem fiel será cumulado de bênçãos, mas o que se apressa a enriquecer não passará sem castigo.

[20]Beidh beannachtaí go líonmhar ar an bhfear ionraic, ach an té a bheidh ag iarraidh éirí saibhir go tapa, ní rachaidh sé gan phionós.

[21] Parcialidade não é bom, porque até por um bocado de pão o homem prevaricará.

[21]Ní maith é leathchuma a dhéanamh ar aon duine; ach déanfaidh daoine éagóir ar son ghreim aráin.

[22] Aquele que tem olhos invejosos corre atrás das riquezas, mas não sabe que há de vir sobre ele a penúria.

[22]An fear santach súil, téann sé sa tóir ar an saibhreas; ach ní eol dó cén ghannchúis a bhuailfidh é.

[23] O que repreende ao homem achará, depois, mais favor do que aquele que lisonjeia com a língua.

[23]An té a cheartaíonn duine eile gheobhaidh sé níos mó fabhair ar deireadh ná fear an bhladair.

[24] O que rouba a seu pai ou a sua mãe e diz: Não é pecado, companheiro é do destruidor.

[24]An té a chreachann a athair nó a mháthair agus a deir: “Ní aon éagóir é sin!” is comrádaí do bhithiúnach é.

[25] O cobiçoso levanta contendas, mas o que confia no SENHOR prosperará.

[26] O que confia no seu próprio coração é insensato, mas o que anda em sabedoria será salvo.

[27] O que dá ao pobre não terá falta, mas o que dele esconde os olhos será cumulado de maldições.

[28] Quando sobem os perversos, os homens se escondem, mas, quando eles perecem, os justos se multiplicam.

Provérbios 29

[1] O homem que muitas vezes repreendido endurece a cerviz será quebrantado de repente sem que haja cura.

[2] Quando se multiplicam os justos, o povo se alegra, quando, porém, domina o perverso, o povo suspira.

[3] O homem que ama a sabedoria alegra a seu pai, mas o companheiro de prostitutas desperdiça os bens.

[4] O rei justo sustém a terra, mas o amigo de impostos a transtorna.

[5] O homem que lisonjeia a seu próximo arma-lhe uma rede aos passos.

[6] Na transgressão do homem mau, há laço, mas o justo canta e se regozija.

[25]Spreagann an santach achrainn; an té a bhfuil a mhuinín aige as an Tiarna, beidh an rath air.

[26]An té a bhfuil a mhuinín aige as a smaointe féin, is amadán é; ach déanfar an té a shiúlann ar chosán na heagna a fhuascailt.

[27]An té a thugann déirc don bhocht, ní bheidh easpa air choíche; ach an té a dhúnann a shúile ina choinne, luífidh mallacht ar mhallacht air.

[28]Nuair a fhaigheann na hurchóidigh ceannas, téann daoine i bhfolach, ach nuair a théann siad ar ceal, téann breis ar na fíréin.

Seanfhocal 29

[1]An té a cheartaítear go minic, ach a chruann a mhuineál, bascfar é go tobann gan fáil ar théarnamh.

[2]Nuair a bhíonn na fíréin i gceannas, bíonn lúcháir ar an bpobal; nuair a bhíonn na hurchóidigh i gcumhacht, bíonn an pobal ag osnaíl.

[3]An té a thugann grá don eagna, cuireann sé áthas ar a athair; ach an té a thaithíonn striapacha, scaipeann sé a chuid.

[4]Daingníonn rí a thír lena cheartas, ach milleann an feallaire é.

[5]An té a thugann bladar dá chomharsa, leathann sé líon faoina chosa.

[6]Tá gaiste [faoi chosa] an urchóidigh, ach ritheann an fíréan ar aghaidh go lúcháireach.

[7] Informa-se o justo da causa dos pobres, mas o perverso de nada disso quer saber.

[7]Déanann an fíréan cúram de chearta na mbocht, ní chuireann a leithéid d'eolas as don urchóideach.

[8] Os homens escarnecedores alvoroçam a cidade, mas os sábios desviam a ira.

[8]Déanann scigirí cíor thuathail de chathracha, ach cuireann saoithe srian le fearg.

[9] Se o homem sábio discute com o insensato, quer este se encolerize, quer se ria, não haverá fim.

[9]Téadh saoi chun argóna le daoi, ach cibé acu i bhfearg nó i ngáire é, ní éireoidh leis.

[10] Os sanguinários aborrecem o íntegro, ao passo que, quanto aos retos, procuram tirar-lhes a vida.

[10]Is fuath le lucht fola an fear gan cháim, ach [is mór le] daoine ionraice a bheo.

[11] O insensato expande toda a sua ira, mas o sábio afinal lha reprime.

[11]Scaoileann an t-amadán lena racht feirge, ach cuireann an saoi srian leis agus smacht air.

[12] Se o governador dá atenção a palavras mentirosas, virão a ser perversos todos os seus servos.

[12]Má éisteann rialtóir le héitheach, beidh a fheidhmeannaigh uile ina ropairí.

[13] O pobre e o seu opressor se encontram, mas é o SENHOR quem dá luz aos olhos de ambos.

[13]Castar an bochtán agus an t-úsaire ar a chéile; cuireann an Tiarna léas ina súile araon.

[14] O rei que julga os pobres com eqüidade firmará o seu trono para sempre.

[14]Má thugann rí breith ar na boicht le cothromas, bunófar a ríchathaoir go brách.

[15] A vara e a disciplina dão sabedoria, mas a criança entregue a si mesma vem a envergonhar a sua mãe.

[15]Bronnann an bata agus an ceartú gaois, ach an leanbh a fhágtar faoi féin, cuireann sé náire ar a mháthair.

[16] Quando os perversos se multiplicam, multiplicam-se as transgressões, mas os justos verão a ruína deles.

[16]Nuair a bhíonn na hurchóidigh [i gcumhacht], leathnaíonn an peaca; ach feicfidh na fíréin ar lár iad.

[17] Corrige o teu filho, e te dará descanso, dará delícias à tua alma.

[17]Smachtaigh do mhac, agus tabharfaidh sé suaimhneas aigne duit; cuirfidh sé áthas ar do chroí.

[18] Não havendo profecia, o povo se corrompe; mas o que guarda a lei, esse é feliz.

[18]San áit nach mbíonn fís, caitheann an pobal díobh gach srian; ach is beannaithe an té a choimeádann an dlí.

[19] O servo não se emendará com palavras, porque, ainda que entenda, não obedecerá.

[19]Ní le briathra amháin a cheartaítear an daor; fiú má thuigeann sé iad, ní thabharfaidh sé aird orthu.

[20] Tens visto um homem precipitado nas suas palavras? Maior esperança há para o insensato do que para ele.

[20]An bhfeiceann tú duine éigin béalscaoilteach? tá níos mó dóchais ann d'amadán ná dósan.

[21] Se alguém amimar o escravo desde a infância, por fim ele quererá ser filho.

[21]An té a bhíonn ag tláithínteacht le daor óna oige, eisean a bheidh [mar oidhre] air faoi dheireadh.

[22] O iracundo levanta contendas, e o furioso multiplica as transgressões.

[22]Adhnann an fear drochmhianaigh achrann, agus is cúis mhór peaca fear na feirge.

[23] A soberba do homem o abaterá, mas o humilde de espírito obterá honra.

[23]Déanfaidh a dhíomas féin fear a threascairt, ach bainfidh an t-uiríseal ó chroí onóir amach.

[24] O que tem parte com o ladrão aborrece a própria alma; ouve as maldições e nada denuncia.

[24]Tá fuath ag comrádaí an ghadaí dá bheo féin; cluineann sé an mhallacht ach ní sceitheann.

[25] Quem teme ao homem arma ciladas, mas o que confia no SENHOR está seguro.

[25]Is gaiste é eagla roimh dhaoine, ach ní baol don té a chuireann a mhuinín sa Tiarna.

[26] Muitos buscam o favor daquele que governa, mas para o homem a justiça vem do SENHOR.

[26]Is iomaí duine a bhíonn ag lútáil le rialtóir, ach is ón Tiarna a fhaigheann gach duine a cheart.

[27] Para o justo, o iníquo é abominação, e o reto no seu caminho é abominação ao perverso.

[27]Is fuath leis an bhfíréan an coirpeach; agus is fuath leis an urchóideach an té is díreach slí.

Provérbios 30

As palavras de Agur

Seanfhocal 30

Aguisín
Briathra Ágúr

[1] Palavras de Agur, filho de Jaque, de Massá. Disse o homem: Fatiguei-me, ó Deus; fatiguei-me, ó Deus, e estou exausto	[1]Briathra Ágúr mac Iácaé ó Mhasá. Oracal an fhir seo do Ítíéil, [d'Ítíéil agus d'Ucál]:
[2] porque sou demasiadamente estúpido para ser homem; não tenho inteligência de homem,	[2]Táimse, ní foláir, ródhúr le bheith daonna níl tuiscint duine agam.
[3] não aprendi a sabedoria, nem tenho o conhecimento do Santo.	[3]Níor foghlaim mé eagna, ná ní bhfuair mé aithne ar an Aon Naofa.
[4] Quem subiu ao céu e desceu? Quem encerrou os ventos nos seus punhos? Quem amarrou as águas na sua roupa? Quem estabeleceu todas as extremidades da terra? Qual é o seu nome, e qual é o nome de seu filho, se é que o sabes?	[4]Cé a chuaigh suas ar neamh agus a thuirling arís? Cé a cheap na gaoithe ina mháma? Cé a ghabh na huiscí ina bhrat? Cé a chuir bonn faoi chríocha na cruinne? Céard is ainm dó féin agus céard is ainm dá mhac? Ar ndóigh is eol duit!
[5] Toda palavra de Deus é pura; ele é escudo para os que nele confiam.	[5]Gach briathar a labhraíonn Dia, seasann sé trial na fírinne; is sciath é do gach duine a théann ar a choimirce.
[6] Nada acrescentes às suas palavras, para que não te repreenda, e sejas achado mentiroso.	[6]Ná cuir lena bhriathra, ar eagla go lochtódh sé thú agus go dtaispeánfadh sé gur bréagadóir thú.
[7] Duas coisas te peço; não mas negues, antes que eu morra:	[7]Dhá ní a iarraim ort, ná ceil orm iad sula bhfaighe mé bás:
[8] afasta de mim a falsidade e a mentira; não me dês nem a pobreza nem a riqueza; dá-me o pão que me for necessário;	[8]Coinnigh i bhfad uaim an t-éitheach agus an bhréag; ná tabhair dom saibhreas ná daibhreas, ach cothaigh mé leis an mbia is cuí dom,
[9] para não suceder que, estando eu farto, te negue e diga: Quem é o SENHOR? Ou que, empobrecido, venha a furtar e profane o nome de Deus.	[9]Ar eagla go mbeinn sách agus go séanfainn thú, agus go ndéarfainn: “An Tiarna? - cé hé féin?” Nó go mbeinn bocht agus go ndéanfainn goid, agus go maslóinn ainm mo Dhé.
[10] Não calunies o servo diante de seu senhor, para que aquele te não amaldiçoe e fiques culpado.	[10]Ná déan daor a ghearán lena mháistir, le heagla go gcuirfeadh sé mallacht ort agus go mbeadh thiar ort dá bharr.

[11] Há daqueles que amaldiçoam a seu pai e que não bendizem a sua mãe.

[12] Há daqueles que são puros aos próprios olhos e que jamais foram lavados da sua imundícia.

[13] Há daqueles – quão altivos são os seus olhos e levantadas as suas pálpebras!

[14] Há daqueles cujos dentes são espadas, e cujos queixais são facas, para consumirem na terra os aflitos e os necessitados entre os homens.

[15] A sanguessuga tem duas filhas, a saber: Dá, Dá. Há três coisas que nunca se fartam, sim, quatro que não dizem: Basta!

[16] Elas são a sepultura, a madre estéril, a terra, que se não farta de água, e o fogo, que nunca diz: Basta!

[17] Os olhos de quem zomba do pai ou de quem despreza a obediência à sua mãe, corvos no ribeiro os arrancarão e pelos pintãos da águia serão comidos.

[18] Há três coisas que são maravilhosas demais para mim, sim, há quatro que não entendo:

[19] o caminho da águia no céu, o caminho da cobra na penha, o caminho do navio no meio do mar e o caminho do homem com uma donzela.

[20] Tal é o caminho da mulher adúltera: come, e limpa a boca, e diz: Não cometi maldade.

[11]Tá pór ann a chuireann mallacht ar a n-athair, agus nach gcuireann beannacht ar a máthair.

[12]Agus pór atá glan, dar leo féin, ach nár níodh fós as a mbrocamas.

[13]Tá pór na súl uaibhreach ann, le mór níos fiú i ngach tógáil súile.

[14]Tá pór ann le claímhte mar fhiacla, agus sceana mar ghialla acu, Leis na boicht a alpadh agus a scrios de chlár na cruinne; agus lucht na gannchúise a shlogadh agus a scuabadh ó chomhluadar daoine.

Nathanna Uimhreacha

[15]Tá beirt iníon ag an lia, "Tabhair, tabhair," a ghlaonn siad. Tá trí nithe nach féidir a shasamh, agus ceithre cinn nach ndeir riamh: "Is leor sin":

[16]Seól, an bhroinn aimrid, an talamh nach féidir a sháitheadh le huisce, agus an tine nach ndeir riamh: "Is leor sin."

[17]An tsúil a fhéachann le fonóid ar a athair, agus le drochmheas ar [mháthair a bhíonn ag dul in aois], piocfaidh fiacha an mhachaire amach í, agus alpfaidh na badhbha í.

[18]Tá trí nithe a théann díom a thuiscint, agus ceithre cinn nach mbainim ciall astu:

[19]Bealach iolair sa spéir, bealach nathrach ar an gcarraig, bealach loinge i lár na mara, agus bealach fir le maighdean.

[20]Seo é bealach an adhaltraigh mná: itheann sí bia agus glanann a béal agus deir: "Ní dhearna mé aon ní as an tslí."

21 Sob três coisas estremece a terra, sim, sob quatro não pode subsistir:

22 sob o servo quando se torna rei; sob o insensato quando anda farto de pão;

23 sob a mulher desdenhada quando se casa; sob a serva quando se torna herdeira da sua senhora.

24 Há quatro coisas mui pequenas na terra que, porém, são mais sábias que os sábios:

25 as formigas, povo sem força; todavia, no verão preparam a sua comida;

26 os arganazes, povo não poderoso; contudo, fazem a sua casa nas rochas;

27 os gafanhotos não têm rei; contudo, marcham todos em bandos;

28 o geco, que se apanha com as mãos; contudo, está nos palácios dos reis.

29 Há três que têm passo elegante, sim, quatro que andam airosamente:

30 O leão, o mais forte entre os animais, que por ninguém torna atrás;

31 o galo, que anda ereto, o bode e o rei, a quem não se pode resistir.

32 Se procedeste insensatamente em te exaltares ou se maquinaste o mal, põe a mão na boca.

33 Porque o bater do leite produz manteiga, e o torcer do nariz produz sangue, e o açular a ira produz contendas.

21Baineann trí nithe crith as an talamh, agus tá ceithre cinn nach féidir leis cur suas leo:

22Daor nuair is rí, daoi nuair is sáitheach,

23Bean thréigthe, nuair a phósann, agus daoirseach nuair a thógann [sí áit] a máistreása.

24Tá ceithre nithe ar an talamh atá bídeach, ach is acu atá togha na gaoise:

25Na seangáin, treibh gan neart iad, ach sa samhradh déanann siad deimhin dá soláthar:

26Na coiníní carraige, treibh gan chosaint iad, ach cuireann siad fúthu sna carraigeacha.

27Na lócaistí, níl rí orthu, ach máirseálann siad go léir faoi dhea-eagar.

28An t-earc luachra, d'fhéadfá greim a fháil air i do láimh, ach gnáthaíonn sé páláis ríthe.

29Tá trí nithe ann le céim mhaorga, agus ceithre cinn go deimhin le hiompar stáidiúil:

30An leon, an gaiscíoch ar na hainmhithe, nach dtugann cúl le haon ní;

31An coileach ag starrfach i measc na gcearc, an pocán, taoiseach an tréada, agus an rí [ag aitheasc] a phobail.

32Má bhí sé de bhaois ionat dul le mire, agus go bhfuil aiféala anois ort, buail bos ar do bhéal;

33Óir déantar cuigeann le maistriú, tagann fuil as an tsrón nuair a bhrúitear í, agus

tagann aighneas as an bhfearg nuair a adhntar í.

Provérbios 31

Conselhos para o rei Lemuel

1 Palavras do rei Lemuel, de Massá, as quais lhe ensinou sua mãe.

2 Que te direi, filho meu? Ó filho do meu ventre? Que te direi, ó filho dos meus votos?

3 Não dês às mulheres a tua força, nem os teus caminhos, às que destroem os reis.

4 Não é próprio dos reis, ó Lemuel, não é próprio dos reis beber vinho, nem dos príncipes desejar bebida forte.

5 Para que não bebam, e se esqueçam da lei, e pervertam o direito de todos os aflitos.

6 Dai bebida forte aos que perecem e vinho, aos amargurados de espírito;

7 para que bebam, e se esqueçam da sua pobreza, e de suas fadigas não se lembrem mais.

8 Abre a boca a favor do mudo, pelo direito de todos os que se acham desamparados.

9 Abre a boca, julga retamente e faze justiça aos pobres e aos necessitados.

O louvor da mulher virtuosa

10 Mulher virtuosa, quem a achará? O seu valor muito excede o de finas jóias.

11 O coração do seu marido confia nela, e não haverá falta de ganho.

12 Ela lhe faz bem e não mal, todos os dias da sua vida.

Seanfhocal 31

Briathra Lamúéil

1Briathra Lamúéil rí Mhasá, a mhúin a mháthair dó.

2Céard é seo, a mhic? Céard é seo, a mhic mo bhroinne? Céard é seo, a mhic mo mhóideanna?

3Ná caith do neart go léir le mná, ná do [leasracha] leis an lucht millte ríthe seo.

4Ní dual do ríthe, a Lamúéil, ní dual do ríthe fíon a ól, ná do fhlatha bheith tugtha do dheoch chrua.

5Le heagla go ndéanfaidís dearmad le barr óil, ar gach a reachtaíodh, agus satailt ar chearta na n-ainniseoirí.

6Tabhair deoch chrua don té atá ag saothrú an bháis, agus fíon don chroí atá lán de dhomlas;

7Ólaidís agus déanaidís dearmad ar a dtubaiste, agus ná cuimhnídís ar a n-ainnise a thuilleadh.

8Oscail féin do bhéal ar son an bhalbháin, agus ar son chearta cách atá treigthe.

9Labhair féin! tabhair breith chóir! cosain cearta na mbocht, agus na ndealbh.

An Bhean gan Cháim
(Dán Aibítreach san Eabhrais)

10Bean chéile gan cháim, cé ar féidir leis í a fháil? Is luachmhaire í ná péarlaí.

11Is inti a chuireann a fear a mhuinín go léir, agus ní bheidh aon cheal brabaigh air dá barr.

12Ní dochar ach sochar a dhéanfaidh sí dó ar feadh a saoil.

[13] Busca lã e linho e de bom grado trabalha com as mãos.
[14] É como o navio mercante: de longe traz o seu pão.
[15] É ainda noite, e já se levanta, e dá mantimento à sua casa e a tarefa às suas servas.
[16] Examina uma propriedade e adquire-a; planta uma vinha com as rendas do seu trabalho.
[17] Cinge os lombos de força e fortalece os braços.
[18] Ela percebe que o seu ganho é bom; a sua lâmpada não se apaga de noite.
[19] Estende as mãos ao fuso, mãos que pegam na roca.
[20] Abre a mão ao aflito; e ainda a estende ao necessitado.
[21] No tocante à sua casa, não teme a neve, pois todos andam vestidos de lã escarlate.
[22] Faz para si cobertas, veste-se de linho fino e de púrpura.
[23] Seu marido é estimado entre os juízes, quando se assenta com os anciãos da terra.
[24] Ela faz roupas de linho fino, e vende-as, e dá cintas aos mercadores.
[25] A força e a dignidade são os seus vestidos, e, quanto ao dia de amanhã, não tem preocupações.
[26] Fala com sabedoria, e a instrução da bondade está na sua língua.
[27] Atende ao bom andamento da sua casa e não come o pão da preguiça.

[13]Lorgann sí olann agus líon, agus oibríonn sí go dícheallach lena lámha.
[14]Is geall le hárthach ceannaí í agus í ag tabhairt a cuid bia ón imigéin.
[15]Déanann sí mochóirí roimh lá agus tugann bia dá teaghlach, agus riarann a gcúraimí ar a cuid ionailtí.
[16]Déanann sí gort a iniúchadh agus é a cheannach; cuireann sí fíonghort lena mbíonn saothraithe aici lena lámha.
[17]Cuireann sí a neart mar chrios faoina coim, agus taispeánann fuinneamh a géag.
[18]Feiceann sí gur maith is fiú é a saothar agus ní mhúchtar a lampa san oíche.
[19]Coinníonn sí an coigeal ina láimh agus beireann a méireanna ar an bhfearsad.
[20]Caitheann sí go fial leis an duine dearóil, agus tugann sí déirc don duine bocht.
[21]Ní eagla léi sneachta a theacht ar a teaghlach, mar go bhfuil éadach [cluthair] ar a seirbhísigh go léir.
[22]Déanann sí a cuilteanna féin, agus bíonn línéadach mín agus éidí corcra uimpi.
[23]Bíonn a fear céile faoi dhea-mheas ag geataí na cathrach, nuair a shuíonn sé i gcomhluadar sheanóirí na tíre.
[24]Déanann sí braillíní a fhí agus a dhíol, agus tugann sí criosanna don cheannaí.
[25]Bíonn neart agus dínit mar bhrat uimpi, agus ní cás di gáire faoin lá amárach.
[26]Nuair a osclaíonn sí a béal, déanann sí é le stuaim; agus tá teagasc caoin ar a beola.
[27]Coimeádann sí súil ghéar ar a teaghlach, ní chaitheann sí bia an díomhaointis.

[28] Levantam-se seus filhos e lhe chamam ditosa; seu marido a louva, dizendo:

[29] Muitas mulheres procedem virtuosamente, mas tu a todas sobrepujas.

[30] Enganosa é a graça, e vã, a formosura, mas a mulher que teme ao SENHOR, essa será louvada.

[31] Dai-lhe do fruto das suas mãos, e de público a louvarão as suas obras.

[28]Éiríonn a clann ina seasamh, agus fógraíonn siad gur méanar di; canann a fear céile moladh di:

[29]“Rinne mórán ban éachtaí atá le moladh ach sáraíonn tusa iad go léir.”

[30]Is mealltach í an scéimh, agus is neamhbhuan í an áilleacht; is don bhean ar a bhfuil eagla an Tiarna is dual moladh.

[31]Tugaigí di toradh a saothair, agus moladh a gníomhartha í ag geataí na cathrach.

Livro do Eclesiastes ou o Pregador	Cóheilit

Eclesiastes 1

Tudo é vaidade

1 Palavra do Pregador, filho de Davi, rei de Jerusalém:

2 Vaidade de vaidades, diz o Pregador; vaidade de vaidades, tudo é vaidade.

3 Que proveito tem o homem de todo o seu trabalho, com que se afadiga debaixo do sol?

A eterna mesmice

4 Geração vai e geração vem; mas a terra permanece para sempre.

5 Levanta-se o sol, e põe-se o sol, e volta ao seu lugar, onde nasce de novo.

6 O vento vai para o sul e faz o seu giro para o norte; volve-se, e revolve-se, na sua carreira, e retorna aos seus circuitos.

7 Todos os rios correm para o mar, e o mar não se enche; ao lugar para onde correm os rios, para lá tornam eles a correr.

8 Todas as coisas são canseiras tais, que ninguém as pode exprimir; os olhos não se fartam de ver, nem se enchem os ouvidos de ouvir.

9 O que foi é o que há de ser; e o que se fez, isso se tornará a fazer; nada há, pois, novo debaixo do sol.

Cóheilit 1

Teideal agus Bunábhar

1Briathra Chóheilit, mac Dháiví atá ina rí in Iarúsailéim.

2Buaic na baoise a deir Cóheilit, buaic na baoise! Níl in aon ní ach baois!

3Cén tairbhe do dhuine an saothar uile a dhéanann sé faoi luí na gréine?

Ciorcal Do-Athraithe an Nádúir

4Imíonn glúin amháin as agus tagann ceann eile ina háit ach fanann an domhan ann go deo.

5Éiríonn an ghrian ach téann sí faoi arís agus brostaíonn sí léi chun na háite ar éirigh sí as.

6Séideann an ghaoth ó dheas agus casann sí ó thuaidh ansin; siúd léi timpeall arís agus arís eile agus leanann sí dá timchuairt gan stad.

7Ritheann na haibhneacha go léir isteach san fharraige ach ní líontar í choíche; mar sin féin coinníonn na haibhneacha orthu ag déanamh ar a gceann cúrsa go brách.

8Tá gach uile ní lán leimhe agus ní féidir leis an duine trácht a dhéanamh orthu; ní bhíonn an tsúil sásta lena bhfeiceann sí ná an chluas sásta lena gcloiseann sí.

9An ní a bhí ann tráth, is é a bheidh ann go brách; an ní a rinneadh cheana, is é a dhéanfar arís; mar níl aon ní nua ann faoi luí na gréine.

[10] Há alguma coisa de que se possa dizer: Vê, isto é novo? Não! Já foi nos séculos que foram antes de nós.

[11] Já não há lembrança das coisas que precederam; e das coisas posteriores também não haverá memória entre os que hão de vir depois delas.

A experiência do Pregador

[12] Eu, o Pregador, venho sendo rei de Israel, em Jerusalém.

[13] Apliquei o coração a esquadrinhar e a informar-me com sabedoria de tudo quanto sucede debaixo do céu; este enfadonho trabalho impôs Deus aos filhos dos homens, para nele os afligir.

[14] Atentei para todas as obras que se fazem debaixo do sol, e eis que tudo era vaidade e correr atrás do vento.

[15] Aquilo que é torto não se pode endireitar; e o que falta não se pode calcular.

[16] Disse comigo: eis que me engrandeci e sobrepujei em sabedoria a todos os que antes de mim existiram em Jerusalém; com efeito, o meu coração tem tido larga experiência da sabedoria e do conhecimento.

[17] Apliquei o coração a conhecer a sabedoria e a saber o que é loucura e o que é estultícia; e vim a saber que também isto é correr atrás do vento.

[18] Porque na muita sabedoria há muito enfado; e quem aumenta ciência aumenta tristeza.

[10]Fiú amháin an ní a ndeirtear faoi: “Féach, is rud nua é seo,” bhí sé ann romhainn anallód.

[11]Ní chuimhnítear anois ar na glúine a bhí ann fadó; ná ní bheidh cuimhne ar na glúine atá le teacht ag na glúine a thiocfaidh ina ndiaidh.

Éadairbhe na hEagna Féin

[12]Bhí mise, Cóheilit, i mo rí ar Iosrael in Iarúsailéim

[13]agus le barr eagna chuir mé m'intinn ag obair chun cuardach agus taighde a dhéanamh i dtaobh an uile ní a dhéantar faoi na spéartha - diansaothar dólásach é seo a leag Dia ar dhaoine chun iad a chrá.

[14]Agus chonaic mé na gníomhartha uile a dhéantar abhus faoi luí na gréine; agus féach, níl iontu go léir ach baois agus tóraíocht gaoithe.

[15]Óir, ní féidir an cam a dhíriú ná an ní nach bhfuil ann a chomhaireamh.

[16]Arsa mise liom féin ansin: “Féach, táimse tar éis níos mó den eagna a chnuasach ná duine ar bith díobh siúd a bhí ina rialtóirí ar Iarúsailéim romham agus is mór ar fad an taithí atá faighte agam ar an eagna agus ar an eolas.”

[17]Mar sin féin, nuair a chuir mé m'intinn ag obair chun an eagna agus an t-eolas, an díth céille agus an amaidí, a thuiscint, d'aithin mé nach raibh anseo chomh maith ach tóraíocht gaoithe.

[18]Óir, dá mhéad í ár n-eagna is ea is mó ár gcrá agus dá leithne é ár n-eolas is ea is géire ár bpianpháis.

Eclesiastes 2

A vaidade das possessões

[1] Disse comigo: vamos! Eu te provarei com a alegria; goza, pois, a felicidade; mas também isso era vaidade.

[2] Do riso disse: é loucura; e da alegria: de que serve?

[3] Resolvi no meu coração dar-me ao vinho, regendo-me, contudo, pela sabedoria, e entregar-me à loucura, até ver o que melhor seria que fizessem os filhos dos homens debaixo do céu, durante os poucos dias da sua vida.

[4] Empreendi grandes obras; edifiquei para mim casas; plantei para mim vinhas.

[5] Fiz jardins e pomares para mim e nestes plantei árvores frutíferas de toda espécie.

[6] Fiz para mim açudes, para regar com eles o bosque em que reverdeciam as árvores.

[7] Comprei servos e servas e tive servos nascidos em casa; também possuí bois e ovelhas, mais do que possuíram todos os que antes de mim viveram em Jerusalém.

[8] Amontoei também para mim prata e ouro e tesouros de reis e de províncias; provi-me de cantores e cantoras e das

Cóheilit 2

Éadairbhe na Sáile Saolta

[1]Arsa mise liom féin: “Seo anois, féachfaidh mé an lúcháir ort; bain aoibhneas as an bpléisiúr.” Agus féach, baois ba ea é seo freisin.

[2]Is é a dúirt mé i dtaobh an gháire; díth céille, agus i dtaobh na lúcháire: Cén tairbhe í?

[3]Is amhlaidh a d'fhéach mé de thoradh mo chuid machnaimh le mo chorp a shásamh le fíon ach go mbeadh m'intinn do mo stiúradh le barr eagna; bhí mé tar éis an amaidí a ghabháil chugam féin chomh maith le súil go bhfeicfinn céard ab fhearr do dhaoine a dhéanamh le linn gearrthéarma a saoil abhus faoin spéir.

[4]Thug mé faoi oibreacha móra a dhéanamh. Thóg mé tithe agus phlandaigh mé fíonghort dom féin.

[5]Rinne mé garraithe agus páirceanna agus chuir mé gach cineál de chrainn toraidh iontu.

[6]Rinne mé linnte uisce chun fáschoill de chrainn óga a uisciú.

[7]Cheannaigh mé sclábhaithe, idir fhir agus mhná, de bhreis ar na sclábhaithe teallaigh a bhí agam. Bhí níos mó eallaigh agus caorach i mo sheilbh agam, leis, thar mar a bhí, ag aon duine eile a bhí in Iarúsailéim romham.

[8]Chruinnigh mé dom féin freisin airgead agus ór agus saibhreas ríthe agus cúigí. D'fhostaigh mé amhránaithe, idir fhir agus

delícias dos filhos dos homens: mulheres e mulheres.

[9] Engrandeci-me e sobrepujei a todos os que viveram antes de mim em Jerusalém; perseverou também comigo a minha sabedoria.

[10] Tudo quanto desejaram os meus olhos não lhes neguei, nem privei o coração de alegria alguma, pois eu me alegrava com todas as minhas fadigas, e isso era a recompensa de todas elas.

[11] Considerei todas as obras que fizeram as minhas mãos, como também o trabalho que eu, com fadigas, havia feito; e eis que tudo era vaidade e correr atrás do vento, e nenhum proveito havia debaixo do sol.

A vaidade da sabedoria

[12] Então, passei a considerar a sabedoria, e a loucura, e a estultícia. Que fará o homem que seguir ao rei? O mesmo que outros já fizeram.

[13] Então, vi que a sabedoria é mais proveitosa do que a estultícia, quanto a luz traz mais proveito do que as trevas.

[14] Os olhos do sábio estão na sua cabeça, mas o estulto anda em trevas; contudo, entendi que o mesmo lhes sucede a ambos.

mhná, agus bhí sáile shaolta agus mórán ban luí agam chomh maith.

[9]Dá bharr sin uile bhí mé níos cumhachtaí agus níos saibhre ná aon duine ar bith díobh siúd a bhí in Iarúsailéim romham.

[10]Agus cibé ar bith ní a shantaigh mo shúile, níor choimeád mé uathu é ná níor cheil mé aon phléisiúr ar bith orm féin. Is ea, go deimhin; bhain mé taitneamh as mo chuid saothair go léir agus is mar sin amháin a cúitíodh mo dhua uile liom.

[11]D'iompaigh mé ansin chun breathnú ar na hoibreacha go léir a bhí déanta ag mo lámha agus ar an saothar uile ar chaith mé mo dhúthracht leis; agus féach, ní raibh san iomlán de ach baois agus tóraíocht gaoithe ná ní raibh tairbhe dá laghad le baint as faoi luí na gréine.

[12]Agus cad a fhéadfaidh comharba an rí a dhéanamh? Dada thar a bhfuil déanta cheana.

Is Tairbhí an Eagna ná an Amaidí

[13]Agus thug mé faoi staidéar a dhéanamh ar an eagna agus ar an díth céille agus ar an amaidí.

[14]Chonaic mé gur tairbhí an eagna ná an amaidí faoi mar is tairbhí an solas ná an dorchadas.

[15]Tá súile ina cheann ag an saoi; is sa dorchadas, ámh, a shiúlann an daoi. Ach is eol domsa go bhfuil an chinniúint chéanna i ndán dóibh beirt.

[15] Pelo que disse eu comigo: como acontece ao estulto, assim me sucede a mim; por que, pois, busquei eu mais a sabedoria? Então, disse a mim mesmo que também isso era vaidade.

[16] Pois, tanto do sábio como do estulto, a memória não durará para sempre; pois, passados alguns dias, tudo cai no esquecimento. Ah! Morre o sábio, e da mesma sorte, o estulto!

[17] Pelo que aborreci a vida, pois me foi penosa a obra que se faz debaixo do sol; sim, tudo é vaidade e correr atrás do vento.

A vaidade do trabalho

[18] Também aborreci todo o meu trabalho, com que me afadiguei debaixo do sol, visto que o seu ganho eu havia de deixar a quem viesse depois de mim.

[19] E quem pode dizer se será sábio ou estulto? Contudo, ele terá domínio sobre todo o ganho das minhas fadigas e sabedoria debaixo do sol; também isto é vaidade.

[20] Então, me empenhei por que o coração se desesperasse de todo trabalho com que me afadigara debaixo do sol.

[21] Porque há homem cujo trabalho é feito com sabedoria, ciência e destreza; contudo, deixará o seu ganho como porção a quem por ele não se esforçou; também isto é vaidade e grande mal.

[16] Arsa mise liom féin mar sin: “Más í cinniúint an daoi mo chinniúntse freisin, cad chuige go mbeinnse chomh heagnaí sin ar fad? Cén tairbhe dom é?” Agus is é a dúirt mé: “Baois is ea é seo chomh maith.

[17] Óir ní choinneofar buanchuimhne ar an saoi ach oiread agus a choinneofar ar an daoi; mar sna laethanta atá le teacht déanfar dearmad orthu araon gan mhoill. Faraor, conas is féidir go sciobann an bás an saoi agus an daoi leis le chéile!”

[18] Dá thairbhe sin uile, ba ghráin liom an saol seo mar chuir an saothrú uile a dhéantar faoi luí na gréine déistean orm; óir níl sa mhéid sin go léir ach baois agus tóraíocht gaoithe.

Éadairbhe an tSaothraithe

[19] Ba ghráin liom go deimhin an saothrú go léir a rinne mé faoi luí na gréine toisc go gcaithfinn a thoradh a fhágáil ag an duine a thiocfadh i mo dhiaidh.

[20] Agus cé aige a bhfuil a fhios an mbeidh seisean ina shaoi nó ina dhaoi? Ach mar sin féin is faoina chúram sin a bheidh toradh an tsaothraithe go léir a rinne mise chomh cliste sin abhus faoi luí na greine. Baois is ea é seo leis.

[21] Ar an ábhar sin tháinig racht éadóchais orm faoin saothrú go léir a bhí déanta agam abhus faoi luí na gréine.

[22] Óir aon duine ar bith a oibríonn go saothrach le heagna agus le heolas agus le gaois, bíonn air toradh a shaothair a fhágáil mar oidhreacht ag duine eile nach bhfuil faic dá dhua faighte aige. Baois agus olc mór is ea é seo.

[22] Pois que tem o homem de todo o seu trabalho e da fadiga do seu coração, em que ele anda trabalhando debaixo do sol?

[23] Porque todos os seus dias são dores, e o seu trabalho, desgosto; até de noite não descansa o seu coração; também isto é vaidade.

[24] Nada há melhor para o homem do que comer, beber e fazer que a sua alma goze o bem do seu trabalho. No entanto, vi também que isto vem da mão de Deus,
[25] pois, separado deste, quem pode comer ou quem pode alegrar-se?
[26] Porque Deus dá sabedoria, conhecimento e prazer ao homem que lhe agrada; mas ao pecador dá trabalho, para que ele ajunte e amontoe, a fim de dar àquele que agrada a Deus. Também isto é vaidade e correr atrás do vento.

Eclesiastes 3

Tempo para tudo

[1] Tudo tem o seu tempo determinado, e há tempo para todo propósito debaixo do céu:
[2] há tempo de nascer e tempo de morrer; tempo de plantar e tempo de arrancar o que se plantou;
[3] tempo de matar e tempo de curar; tempo de derribar e tempo de edificar;
[4] tempo de chorar e tempo de rir; tempo de prantear e tempo de saltar de alegria;

[23] Mar cén tairbhe a bhaineann duine as a chuid saothair uile agus as an dianmhachnamh a chaitheann sé leis abhus faoi luí na gréine?
[24] Óir, bíonn a laethanta uile lán dóláis agus a chuid saothair lán dobróin; fiú amháin san oíche ní fhaigheann sé suaimhneas croí. Baois is ea é seo chomh maith.
[25] Níl aon ní ann is fearr do dhuine ná ithe agus ól agus aoibhneas a bhaint as a shaothar. Go deimhin, chonaic mé gur ó láimh Dé a thagann sé seo freisin.
[26] Mar cé hé ar féidir dó ithe ná ól ar neamhchead dó?
[27] Óir bronnann Dia eagna agus eolas agus aoibhneas ar an té atá taitneamhach leis ach cuireann sé mar chúram ar an drochdhuine maoin a chruinniú agus a chruachadh ach tabharfar ar ball í do dhuine eile a bhfuil Dia buíoch dó.

Cóheilit 3

Cinnteacht agus Éiginnteacht na Beatha

[1]Tá a ionú féin ag gach uile ní agus tá a thráth ann don uile ghnó faoin spéir:

[2]tráth breithe, tráth báis, tráth curtha síl, tráth bainte fómhair,

[3]tráth maraithe, tráth leighis, tráth leagtha, tráth tógála,
[4]tráth goil, tráth gáire, tráth caointe, tráth rince,

[5] tempo de espalhar pedras e tempo de ajuntar pedras; tempo de abraçar e tempo de afastar-se de abraçar;

[5]tráth scaipthe cloch, tráth bailithe cloch, tráth beirthe barróg, tráth séanta barróg,

[6] tempo de buscar e tempo de perder; tempo de guardar e tempo de deitar fora;

[6]tráth cuardaigh, tráth caillte, tráth coimeádta, tráth caite,

[7] tempo de rasgar e tempo de coser; tempo de estar calado e tempo de falar;

[7]tráth stróicthe, tráth fuála, tráth tosta, tráth cainte,

[8] tempo de amar e tempo de aborrecer; tempo de guerra e tempo de paz.

[8]tráth grá, tráth fuatha, tráth cogaidh, tráth síochána.

O homem não conhece o seu tempo determinado

[9] Que proveito tem o trabalhador naquilo com que se afadiga?

[9]Cén tairbhe a bhaineann duine as an dúthracht a chaitheann sé lena chuid oibre?

[10] Vi o trabalho que Deus impôs aos filhos dos homens, para com ele os afligir.

[10]Chonaic mé an saothar a thug Dia don chine daonna le déanamh.

[11] Tudo fez Deus formoso no seu devido tempo; também pôs a eternidade no coração do homem, sem que este possa descobrir as obras que Deus fez desde o princípio até ao fim.

[11]Gach uile ní a dhéanann Dia, oireann sé dá thráth féin; ach bíodh gur chuir sé ar chumas an duine machnamh a dhéanamh ar imeacht an ama ina iomláine, ní féidir leis an duine an obair a dhéanann Dia ó thús go deireadh a thuiscint.

[12] Sei que nada há melhor para o homem do que regozijar-se e levar vida regalada;

[12]Is eol dom nach bhfuil aon ní ann is fearr do dhuine ná gairdeas a dhéanamh agus saol sona sásta a chaitheamh fad is beo dó.

[13] e também que é dom de Deus que possa o homem comer, beber e desfrutar o bem de todo o seu trabalho.

[13]Go deimhin, má éiríonn le duine ithe agus ól a dhéanamh agus aoibhneas a bhaint as a chuid saothair go léir, is tabhartas ó Dhia é.

[14] Sei que tudo quanto Deus faz durará eternamente; nada se lhe pode acrescentar e nada lhe tirar; e isto faz Deus para que os homens temam diante dele.

[14]Is eol dom freisin gur síoraí suthain gach uile ní a dhéanann Dia; ní féidir cur leo nó baint uathu. Is mar seo a rinne Dia iad le go mbeadh eagla ar dhaoine roimhe.

[15] O que é já foi, e o que há de ser também já foi; Deus fará renovar-se o que se passou.

[15]An ní atá ann anois, bhí sé ann roimhe seo; agus an ní a bheidh ann, bhí sé ann cheana agus bíonn Dia ag síorathnuachan na nithe a bhí ann tráth dá raibh.

Semelhança aparente na morte entre homens e animais

[16] Vi ainda debaixo do sol que no lugar do juízo reinava a maldade e no lugar da justiça, maldade ainda.

[17] Então, disse comigo: Deus julgará o justo e o perverso; pois há tempo para todo propósito e para toda obra.

[18] Disse ainda comigo: é por causa dos filhos dos homens, para que Deus os prove, e eles vejam que são em si mesmos como os animais.

[19] Porque o que sucede aos filhos dos homens sucede aos animais; o mesmo lhes sucede: como morre um, assim morre o outro, todos têm o mesmo fôlego de vida, e nenhuma vantagem tem o homem sobre os animais; porque tudo é vaidade.

[20] Todos vão para o mesmo lugar; todos procedem do pó e ao pó tornarão.

[21] Quem sabe se o fôlego de vida dos filhos dos homens se dirige para cima e o dos animais para baixo, para a terra?

[22] Pelo que vi não haver coisa melhor do que alegrar-se o homem nas suas obras, porque essa é a sua recompensa; quem o fará voltar para ver o que será depois dele?

[16]Rud eile dhe, chonaic mé go raibh an éagóir in áit na córa agus an t-aincheart in áit an chirt abhus faoi luí na gréine.

[17]Arsa mise liom féin: “Tabharfaidh Dia breithiúnas ar an dea-dhuine agus ar an droch-dhuine araon, mar tá a ionú féin ag gach gnó agus gníomh ansin.”

[18]Arsa mise liom féin arís: “Maidir leis an gcine daonna, tá Dia tar éis iad a thástáil go cinnte agus a thaispeáint nach bhfuil iontu uathu féin ach ainmhithe.”

[19]Óir tá an chinniúint chéanna ag an duine agus atá ag an ainmhí; mar a fhaigheann ceann acu bás, sin mar a fhaigheann an ceann eile bás chomh maith; óir tá an t-aon spiorad amháin iontu go léir agus níl aon bhuntáiste ag an duine ar an ainmhí. Baois is ea gach uile ní.

[20]Téann siad go léir go dtí an áit chéanna; is den luaithreach iad uile agus iompóidh siad uile ina luaithreach arís.

[21]Cé ar eol dó an dtéann spiorad an duine suas nó an dtéann spiorad an ainmhí síos sa talamh?

[22]Dá bharr sin uile chonaic mé nach bhfuil aon ní ann is fearr do dhuine ná gairdeas a dhéanamh ina chuid oibre, mar is é sin a chinniúint. Óir cé a thabharfaidh dó na nithe a thitfidh amach ina dhiaidh a fheiceáil?

Eclesiastes 4

As tribulações da vida

[1] Vi ainda todas as opressões que se fazem debaixo do sol: vi as lágrimas dos que

Cóheilit 4

Éagothroime Shóisialta

[1]Ina theannta sin chonaic mé an t-ansmacht go léir a dhéantar abhus faoi

foram oprimidos, sem que ninguém os consolasse; vi a violência na mão dos opressores, sem que ninguém consolasse os oprimidos.

luí na gréine: mar shampla, deora lucht fulaingthe an ansmachta agus gan aon duine ann chun iad a shólású, agus an chumhacht i lámha na ndaoine a imríonn ansmacht orthu agus gan aon duine ann chun fortacht a thabhairt dóibh.

2 Pelo que tenho por mais felizes os que já morreram, mais do que os que ainda vivem;

2Mar sin de mheas mé gur mhó ba mhéanar do na mairbh a bhí faoi shuan ná do na beo a raibh a saol rompu go fóill.

3 porém mais que uns e outros tenho por feliz aquele que ainda não nasceu e não viu as más obras que se fazem debaixo do sol.

3Ach an té nár rugadh fós agus nach bhfaca na hoilc a dhéantar abhus faoi luí na gréine is mó is méanar dósan ná do cheachtar acu.

4 Então, vi que todo trabalho e toda destreza em obras provêm da inveja do homem contra o seu próximo. Também isto é vaidade e correr atrás do vento.

4Agus chonaic mé freisin nach bhfuil i ngach saothar agus i ngach obair cheardúil ach toradh an éada a bhíonn ag an duine lena chomharsa. Baois is ea é seo freisin agus tóraíocht gaoithe.

5 O tolo cruza os braços e come a própria carne, dizendo:

5Snaidhmeann an t-amadán a lámha ina chéile agus ní bhíonn an rath air.

6 Melhor é um punhado de descanso do que ambas as mãos cheias de trabalho e correr atrás do vento.

6Ach is fearr lán glaice le suaimhneas ná lán máma le saothar agus le tóraíocht gaoithe.

7 Então, considerei outra vaidade debaixo do sol,

7Agus chonaic mé an bhaois eile seo abhus faoi luí na greine:

8 isto é, um homem sem ninguém, não tem filho nem irmã; contudo, não cessa de trabalhar, e seus olhos não se fartam de riquezas; e não diz: Para quem trabalho eu, se nego à minha alma os bens da vida? Também isto é vaidade e enfadonho trabalho.

8fear agus é ina aonar, gan chara, gan mhac, gan bhráthair; é ag obair agus ag luain gan sos agus gan a shúile sásta riamh lena mhaoin. "Cé ar a shon," ar seisean, "a bhfuil mé ag saothrú liom agus ag ceilt an aoibhnis orm féin?" Go deimhin, is baois é seo agus saothar in aisce.

9 Melhor é serem dois do que um, porque têm melhor paga do seu trabalho.

9Is fearr dís ná duine; mar faigheann siad tuarastal maith ar a saothar.

[10] Porque se caírem, um levanta o companheiro; ai, porém, do que estiver só; pois, caindo, não haverá quem o levante.

[10]Óir, má thiteann duine acu ar lár, is féidir leis an duine eile a chomhghleacaí a thógáil suas. Ach is mairg don duine aonair nuair a thiteann sé; mar ní bhíonn aon duine aige chun é a thógáil.

[11] Também, se dois dormirem juntos, eles se aquentarão; mas um só como se aquentará?

[11]Rud eile de, má chodlaíonn beirt le chéile, bíonn siad te teolaí. Ach conas is féidir don duine aonair é féin a choimeád te?

[12] Se alguém quiser prevalecer contra um, os dois lhe resistirão; o cordão de três dobras não se rebenta com facilidade.

[12]Thairis sin arís mar a mbuafaí ar an duine aonair, is féidir don dís an fód a sheasamh. Ní furasta ach oiread corda trí dhual a bhriseadh.

[13] Melhor é o jovem pobre e sábio do que o rei velho e insensato, que já não se deixa admoestar,

[13]Is fearr ógánach bocht ach é a bheith críonna ná seanrí baoth nach nglacfaidh le comhairle níos mó,

[14] ainda que aquele saia do cárcere para reinar ou nasça pobre no reino deste.

[14]fiú amháin más amhlaidh a tháinig sé ó charcair go coróin agus gur rugadh bocht é ina ríocht siúd.

[15] Vi todos os viventes que andam debaixo do sol com o jovem sucessor, que ficará em lugar do rei.

[15]Chonaic mé na beo go léir a shiúlann faoi luí na gréine ag taobhú leis an ógánach sin a bhí ina chomharba ar an seanrí.

[16] Era sem conta todo o povo que ele dominava; tampouco os que virão depois se hão de regozijar nele. Na verdade, que também isto é vaidade e correr atrás do vento.

[16]Ní raibh áireamh ar líon na ndaoine uile a bhí faoina smacht ach mar sin féin ní bheidh sé ina ábhar áthais do na daoine, a thiocfaidh ina dhiaidh. Go deimhin baois is ea é seo freisin agus tóraíocht gaoithe.

Eclesiastes 5

A loucura de votos precipitados

[1] Guarda o pé, quando entrares na Casa de Deus; chegar-se para ouvir é melhor do que oferecer sacrifícios de tolos, pois não sabem que fazem mal.

Deasghnátha Creidimh

[17]Bí ar d'aire nuair a théann tú go dtí teach Dé; is fearr dul ann chun éisteacht go humhal ná íobairt a dhéanamh ar nós na n-amadán nach dtuigeann go bhfuil siad ag déanamh an oilc.

Cóheilit 5

[2] Não te precipites com a tua boca, nem o teu coração se apresse a pronunciar palavra alguma diante de Deus; porque Deus está nos céus, e tu, na terra; portanto, sejam poucas as tuas palavras.

[3] Porque dos muitos trabalhos vêm os sonhos, e do muito falar, palavras néscias.

[4] Quando a Deus fizeres algum voto, não tardes em cumpri-lo; porque não se agrada de tolos. Cumpre o voto que fazes.

[5] Melhor é que não votes do que votes e não cumpras.

[6] Não consintas que a tua boca te faça culpado, nem digas diante do mensageiro de Deus que foi inadvertência; por que razão se iraria Deus por causa da tua palavra, a ponto de destruir as obras das tuas mãos?

[7] Porque, como na multidão dos sonhos há vaidade, assim também, nas muitas palavras; tu, porém, teme a Deus.

A vaidade das riquezas

[8] Se vires em alguma província opressão de pobres e o roubo em lugar do direito e da justiça, não te maravilhes de semelhante caso; porque o que está alto tem acima de si outro mais alto que o explora, e sobre estes há ainda outros mais elevados que também exploram.

[9] O proveito da terra é para todos; até o rei se serve do campo.

[1]Ná bí luath chun cainte agus ná habair focal faoi dheifir i láthair Dé; óir tá Dia sna flaithis ach is ar talamh atá tusa. Mar sin de, bí ar bheagán focal.

[2]Óir, mar a thagann tromluí ar dhuine trí mhéid a chúraim, gineann guth an amadáin barraíocht baothchainte.

[3]Nuair a thugann tú móid do Dhia, ná cuir a comhlíonadh ar cairde mar ní thaitníonn amadáin leis. Comhlíon a bhfuil móidithe agat.

[4]Is fearr duit gan móid a thabhairt ná í a thabhairt ach gan í a chomhlíonadh.

[5]Ná lig do do bhéal a thabhairt ort peaca a dhéanamh agus ná habair i láthair teachtaire Dé: “Dearmad ba ea é.” Cad chuige a gcuirfeá fearg ar Dhia le do chuid cainte agus go millfeadh sé obair do lámh?

[6]Óir as an iomad taibhreamh tagann baois agus barraíocht baothchainte. Maidir leatsa, áfach, bíodh eagla ort roimh Dhia.

Foréigean Feidhmeannach

[7]Má fheiceann tú foréigean á imirt ar bhochtáin agus an ceart agus an chóir á gcur as a ríocht sa stát, ná bíodh aon ionadh ort faoi, mar bíonn an t-ardfheidhmeannach ag faire ar an bhfeidhmeannach agus tá feidhmeannaigh eile ann atá níos airde ná ceachtar acu.

[8]Níl aon rud níos tairbhí do thír ná rí a bhfuil a chuid talún dea-shaothraithe.

Saibhreas

[10] Quem ama o dinheiro jamais dele se farta; e quem ama a abundância nunca se farta da renda; também isto é vaidade.

[11] Onde os bens se multiplicam, também se multiplicam os que deles comem; que mais proveito, pois, têm os seus donos do que os verem com seus olhos?

[12] Doce é o sono do trabalhador, quer coma pouco, quer muito; mas a fartura do rico não o deixa dormir.

[13] Grave mal vi debaixo do sol: as riquezas que seus donos guardam para o próprio dano.

[14] E, se tais riquezas se perdem por qualquer má aventura, ao filho que gerou nada lhe fica na mão.

[15] Como saiu do ventre de sua mãe, assim nu voltará, indo-se como veio; e do seu trabalho nada poderá levar consigo.

[16] Também isto é grave mal: precisamente como veio, assim ele vai; e que proveito lhe vem de haver trabalhado para o vento?

[17] Nas trevas, comeu em todos os seus dias, com muito enfado, com enfermidades e indignação.

[18] Eis o que eu vi: boa e bela coisa é comer e beber e gozar cada um do bem de todo o seu trabalho, com que se afadigou debaixo

[9]An té a ghráíonn an t-airgead ní bhíonn a shá de aige choíche agus an té a ghráíonn an saibhreas ní bhfaighidh sé aon sochar as - baois is ea é seo chomh maith.

[10]Nuair a mhéadaíonn an saibhreas tagann méadú ar líon na gcaiteoirí freisin. Mar sin de cén tairbhe é don té ar leis é ach lán a shúl a bhaint as?

[11]Is go suaimhneach sámh a chodlaíonn an fear oibre cibé acu a bhíonn beagán nó mórán ite aige ach cuireann ollmhaoin an duine shaibhir codladh na hoíche amú air.

[12]Tá olc scannalach ann a chonaic mé féin abhus faoi luí na gréine: saibhreas á thaisceadh ag an duine ar leis é chun a dhíobhála féin;

[13]agus an saibhreas sin á chailleadh trí fhiontar míámharach éigin agus gan dada le fáil ag an mac a ghin sé.

[14]Mar a tháinig sé amach as broinn a mháthar, is amhlaidh sin a imeoidh sé arís; chomh tarnocht agus a tháinig sé agus gan dada aige de bharr a shaothair a fhéadfaidh sé a thabhairt leis.

[15]Is scannalach an t-olc seo chomh maith: go n-imeoidh sé go díreach mar a tháinig sé; agus cén tairbhe a fhaigheann sé nuair is in aisce a bhíonn a chuid saothair go léir.

[16]Agus rud eile dhe, caitheann sé a laethanta uile i ndorchadas agus bíonn sé lán dobróin agus breoiteachta agus feirge.

[17]Is é rud atá feicthe agam gur maith agus gur cóir don duine ithe agus ól agus aoibhneas a bhaint as an saothar uile a

do sol, durante os poucos dias da vida que Deus lhe deu; porque esta é a sua porção.

[19] Quanto ao homem a quem Deus conferiu riquezas e bens e lhe deu poder para deles comer, e receber a sua porção, e gozar do seu trabalho, isto é dom de Deus.

[20] Porque não se lembrará muito dos dias da sua vida, porquanto Deus lhe enche o coração de alegria.

dhéanann sé abhus faoi luí na greine sa roinnt bheag laethanta a thugann Dia dó; mar is é sin a chinniúint.

[18]Rud eile dhe, má tá aon duine ann dár thug Dia saibhreas agus maoin agus ar chuir sé ar a chumas iad a chaitheamh agus glacadh lena chinniúint agus aoibhneas a bhaint as a chuid saothair, is tabhartas ó Dhia é sin.

[19]Ní bheidh sé ag machnamh go brúite ar ghiorra a shaoil mar coinneoidh Dia gafa é ag aoibhneas a chroí.

Eclesiastes 6

[1] Há um mal que vi debaixo do sol e que pesa sobre os homens:

[2] o homem a quem Deus conferiu riquezas, bens e honra, e nada lhe falta de tudo quanto a sua alma deseja, mas Deus não lhe concede que disso coma; antes, o estranho o come; também isto é vaidade e grave aflição.

[3] Se alguém gerar cem filhos e viver muitos anos, até avançada idade, e se a sua alma não se fartar do bem, e além disso não tiver sepultura, digo que um aborto é mais feliz do que ele;

[4] pois debalde vem o aborto e em trevas se vai, e de trevas se cobre o seu nome;

Cóheilit 6

[1]Tá olc eile ann a chonaic mé abhus faoi luí na gréine agus luíonn sé go trom ar dhaoine:

[2]duine dá dtugann Dia saibhreas agus maoin agus gradam agus gan aon ní de dhíth air dá bhféadfadh sé dúil a chur iontu ach nach ligeann Dia dó aoibhneas a bhaint astu mar gur strainséir a bhaineann aoibhneas astu; baois is ea é seo agus plá léanmhar.

[3]Dá nginfeadh duine céad leanbh agus go mairfeadh sé mórán blianta sa chaoi go mbeadh saol fada aige, mar sin féin mura bhfaigheadh sé sásamh aigne as a chuid saibhris agus nach ndéanfaí é a adhlacadh go cóir ar deireadh, deirimse go mbeadh an marbhleanbh níos fearr as na é.

[4]Óir, d'ainneoin gur in aisce a thagann an marbhleanbh isteach sa saol agus go n-imíonn sé leis sa dorchadas nó go mbíonn a ainm folaithe ann,

[5] não viu o sol, nada conhece. Todavia, tem mais descanso do que o outro,

[6] ainda que aquele vivesse duas vezes mil anos, mas não gozasse o bem. Porventura, não vão todos para o mesmo lugar?

[7] Todo trabalho do homem é para a sua boca; e, contudo, nunca se satisfaz o seu apetite.

[8] Pois que vantagem tem o sábio sobre o tolo? Ou o pobre que sabe andar perante os vivos?

[9] Melhor é a vista dos olhos do que o andar ocioso da cobiça; também isto é vaidade e correr atrás do vento.

[10] A tudo quanto há de vir já se lhe deu o nome, e sabe-se o que é o homem, e que não pode contender com quem é mais forte do que ele.

[11] É certo que há muitas coisas que só aumentam a vaidade, mas que aproveita isto ao homem?

[12] Pois quem sabe o que é bom para o homem durante os poucos dias da sua vida de vaidade, os quais gasta como sombra? Quem pode declarar ao homem o que será depois dele debaixo do sol?

Eclesiastes 7

Comparadas a sabedoria e a loucura

[5]agus bíodh nach bhfeiceann sé an ghrian agus nach mbíonn eolas aige ar aon rud, is fearr an bhail a bhíonn air ná ar an duine úd.

[6]Dá mairfeadh duine míle bliain faoi dhó ach gan aon rath a theacht air nach dtéann an bheirt acu go dtí an áit chéanna?

Mianta Doshásta agus Aineolas an Duine

[7]Saothraíonn an duine ar mhaithe lena bholg ach ní shásaítear a ghoile riamh.

[8]Cén buntáiste atá ag an eagnaí ar an amadán nó ag an duine bocht féin a thuigeann conas é féin a iompar i láthair daoine.

[9]Is fearr glacadh lena bhfeiceann do shúil ná dul ar thóir do mhéine - baois is ea é seo freisin agus tóraíocht gaoithe.

[10]Cibé ní a tháinig ann, tá ainm tugtha dó cheana féin agus is eol céard é an duine agus nach féidir dó conspóid a dhéanamh leis an té atá níos láidre ná é féin.

[11]Dá líonmhaire iad na briathra a labhraítear is ea is mó í an bhaois. Cén tairbhe a bhaineann an duine as?

[12]Óir cé arb eol dó céard is maith don duine sa saol seo le linn gearrthéarma na beatha díomhaoine a chaitheann sé anseo ar nós scáile. Cé hé ar féidir dó a insint don duine cad a tharlóidh abhus faoi luí na gréine nuair a bheidh seisean imithe?

Cóheilit 7

An Eagna agus an Bhaois

[1] Melhor é a boa fama do que o ungüento precioso, e o dia da morte, melhor do que o dia do nascimento.

[2] Melhor é ir à casa onde há luto do que ir à casa onde há banquete, pois naquela se vê o fim de todos os homens; e os vivos que o tomem em consideração.

[3] Melhor é a mágoa do que o riso, porque com a tristeza do rosto se faz melhor o coração.

[4] O coração dos sábios está na casa do luto, mas o dos insensatos, na casa da alegria.

[5] Melhor é ouvir a repreensão do sábio do que ouvir a canção do insensato.

[6] Pois, qual o crepitar dos espinhos debaixo de uma panela, tal é a risada do insensato; também isto é vaidade.

[7] Verdadeiramente, a opressão faz endoidecer até o sábio, e o suborno corrompe o coração.

[8] Melhor é o fim das coisas do que o seu princípio; melhor é o paciente do que o arrogante.

[9] Não te apresses em irar-te, porque a ira se abriga no íntimo dos insensatos.

[10] Jamais digas: Por que foram os dias passados melhores do que estes? Pois não é sábio perguntar assim.

[11] Boa é a sabedoria, havendo herança, e de proveito, para os que vêem o sol.

[12] A sabedoria protege como protege o dinheiro; mas o proveito da sabedoria é que ela dá vida ao seu possuidor.

[1]Is fearr dea-ainm ná dea-ola agus lá báis ná lá breithe.

[2]Is fearr dul go dtí teach an chaointe ná teach na coirme, mar is é an bás is críoch do chách agus is cóir do na beo meabhrú go maith air sin.

[3]Is fearr gol ná gaire mar is fearrde an croí gnúis ghruama.

[4]Bíonn croí an eagnaí i dteach an chaointe agus croí an amadáin i dteach an tsuilt.

[5]Is fearr éisteacht le cáineadh eagnaí ná le hamhrán amadáin.

[6]Tá gáire an ghamail cosúil le brioscarnach brosna faoi chorcán; baois is ea é seo chomh maith.

[7]Óir déanann ansmacht amadán den eagnaí agus truaillíonn breab an croí.

[8]Is fearr deireadh scéil na a thosach agus is fearr an fhoighne ná an t-uabhar.

[9]Ná bí teasaí taghdach, mar is in ucht amadáin a lonnaíonn an fhearg.

[10]Ná habair: “Cén fáth a raibh an seansaol níos fearr ná an saol atá ann anois?” Óir, níor chríonna an mhaise duit a leithéid de cheist a chur.

[11]Eagna agus oidhreacht le chéile, is maith an ní é sin agus téann sé ar sochar don mhuintir a fheiceann an ghrian.

[12]Tá cosaint na heagna cosúil le cosaint an airgid ach is é an tairbhe atá le baint as an

eolas go gcosnaíonn an eagna beo na ndaoine a bhfuil sí acu.

[13] Atenta para as obras de Deus, pois quem poderá endireitar o que ele torceu?

[14] No dia da prosperidade, goza do bem; mas, no dia da adversidade, considera em que Deus fez tanto este como aquele, para que o homem nada descubra do que há de vir depois dele.

A moderação em tudo é boa

[15] Tudo isto vi nos dias da minha vaidade: há justo que perece na sua justiça, e há perverso que prolonga os seus dias na sua perversidade.

[16] Não sejas demasiadamente justo, nem exageradamente sábio; por que te destruirias a ti mesmo?

[17] Não sejas demasiadamente perverso, nem sejas louco; por que morrerias fora do teu tempo?

[18] Bom é que retenhas isto e também daquilo não retires a mão; pois quem teme a Deus de tudo isto sai ileso.

[19] A sabedoria fortalece ao sábio, mais do que dez poderosos que haja na cidade.

[20] Não há homem justo sobre a terra que faça o bem e que não peque.

[21] Não apliques o coração a todas as palavras que se dizem, para que não

Is Ait an Mac an Saol

[13]Breathnaigh ar obair Dé; cé hé ar féidir dó a bhfuil camtha aige a dhíriú?

[14]Ar lá an tsonais déan gairdeas ach ar lá an donais déan machnamh air seo: tá Dia tar éis an lá sona a dhéanamh agus an lá dona freisin i dtreo nach mbeidh aon chúis ghearáin ag an duine ina aghaidh.

[15]Le linn mo bheatha díomhaoine chonaic mé an uile chineál nithe: fíréan á scrios d'ainneoin a chuid fíréantachta agus saol fada ag an drochdhuine d'ainneoin a chuid mailíse.

[16]Ná bí rofhíréanta ná róchríonna ach oiread. Cén fáth a millfeá thú féin?

[17]Ná bí ró-olc ná ró-amaideach ach oiread. Cén fáth a bhfaighfeá bás anabaí?

[18]Is maith an rud é cloí le ceann amháin de na prionsabail seo ach gan neamhaird a thabhairt ar an gceann eile; óir an duine a bhfuil eagla Dé air comhlíonann sé a dhualgas ar gach bealach.

[19]De bharr a chuid eagna is láidre an t-eagnaí ná deichniúr rialtóir cathrach.

[20]Ar an taobh eile dhe níl duine ar domhan chomh fíréanta sin go ndéanann sé an mhaith i gcónaí agus nach ndéanann sé peaca in aon chor.

[21]Rud eile de, ná tabhair aird ar gach focal a labhraítear ar eagla go gcloisfeá do shearbhónta do do cháineadh.

venhas a ouvir o teu servo a amaldiçoar-te,

[22] pois tu sabes que muitas vezes tu mesmo tens amaldiçoado a outros.

[22]Óir is maith atá a fhios agat gur cháin tú féin daoine eile go minic.

Avaliação da mulher enganosa

[23] Tudo isto experimentei pela sabedoria; e disse: tornar-me-ei sábio, mas a sabedoria estava longe de mim.

[23]Rinne mé na nithe seo uile a thástáil le barr eagna, á rá: "Is rún dom an eagna a fháil" ach bhí sé thar m'acmhainn.

[24] O que está longe e mui profundo, quem o achará?

[24]Gach ní dar tháinig ann is fada uainn é agus is é atá go domhain diamhair; cé hé ar féidir dó é a thuiscint?

[25] Apliquei-me a conhecer, e a investigar, e a buscar a sabedoria e meu juízo de tudo, e a conhecer que a perversidade é insensatez e a insensatez, loucura.

[25]Leag mé m'intinn ar an eagna agus ar an gcruinnmheastóireacht faoi chúrsaí an tsaoil a thuiscint agus a thaighde agus a thóraíocht agus d'aithin mé gur díth céille í an mhailís agus gur deargbhuile í an amaidí.

Na Mná

[26] Achei coisa mais amarga do que a morte: a mulher cujo coração são redes e laços e cujas mãos são grilhões; quem for bom diante de Deus fugirá dela, mas o pecador virá a ser seu prisioneiro.

[26]Aithním gur seirbhe ná an bás an bhean a bhfuil a croí lán de ghaistí agus de dhola agus is laincisí a lámha; an fear atá taitneamhach le Dia éalaíonn sé uaithi ach gabhfaidh sí an peacach.

[27] Eis o que achei, diz o Pregador, conferindo uma coisa com outra, para a respeito delas formar o meu juízo,

[27]Féach, a deir Cóheilit, tar éis dom an cheist a chíoradh, céim ar chéim, chun réiteach a fháil uirthi ar deireadh thiar fuair mé é seo amach -

[28] juízo que ainda procuro e não o achei: entre mil homens achei um como esperava, mas entre tantas mulheres não achei nem sequer uma.

[28]eolas, dar ndóigh, a bhí á lorg agam le fada ach go raibh teipthe orm é a fháil - aon fhear macánta amháin a fuair mé i míle fear ach theip orm go fiú aon dea-bhean amháin a fháil sa líon céanna ban.

[29] Eis o que tão-somente achei: que Deus fez o homem reto, mas ele se meteu em muitas astúcias.

[29]Féach, is é seo an t-aon ní amháin a fuair mé amach: is díreach a rinne Dia na daoine ach is iomaí cleas a tharraingíonn siad chucu féin.

Eclesiastes 8

A submissão diante do rei

[1] Quem é como o sábio? E quem sabe a interpretação das coisas? A sabedoria do homem faz reluzir o seu rosto, e muda-se a dureza da sua face.

[2] Eu te digo: observa o mandamento do rei, e isso por causa do teu juramento feito a Deus.

[3] Não te apresses em deixar a presença dele, nem te obstines em coisa má, porque ele faz o que bem entende.

[4] Porque a palavra do rei tem autoridade suprema; e quem lhe dirá: Que fazes?

[5] Quem guarda o mandamento não experimenta nenhum mal; e o coração do sábio conhece o tempo e o modo.

[6] Porque para todo propósito há tempo e modo; porquanto é grande o mal que pesa sobre o homem.

[7] Porque este não sabe o que há de suceder; e, como há de ser, ninguém há que lho declare.

[8] Não há nenhum homem que tenha domínio sobre o vento para o reter; nem tampouco tem ele poder sobre o dia da morte; nem há tréguas nesta peleja; nem tampouco a perversidade livrará aquele que a ela se entrega.

[9] Tudo isto vi quando me apliquei a toda obra que se faz debaixo do sol; há tempo

Cóheilit 8

An Saoi agus an Rí

[1]Cé atá cosúil leis an eagnaí? Cé heile a thuigeann an chiall atá le rud ar bith? Soilsíonn eagna an duine a ghnúis, agus athraítear dúire a aghaidhe.

[2]Is é a deirimse: comhlíon ordú an rí agus sin mar gheall ar do mhóid dhiaga dhílseachta.

[3]Ná déan deifir chun imeacht as a láthair agus ná bíodh lámh agat in aon drochghnó; cibé é ní is toil leis, is é a dhéanann sé.

[4]Ós rud é nach bhfuil dul thar fhocal an rí cé hé ar féidir dó a rá leis “Céard atá tú a dhéanamh?”

[5]An té a choimeádann a aithne, ní dhéanfar díth ná dochar dó agus is eol do chroí an eagnaí an t-am agus an modh ceart chun nithe a dhéanamh.

[6]Óir tá a am agus a mhodh oibre féin ag gach beart agus bíonn ainnise an duine ag luí go trom air.

[7]Mar níl a fhios aige céard a tharlóidh; agus cé hé ar féidir dó a insint dó conas a bheidh an scéal?

[8]Níl duine ar bith ann a bhfuil de chumhacht aige ar an ngaoth gur féidir dó í a shrianadh; níl sé ar chumas an duine ach oiread an bás a chur ar athló; in aimsir chogaidh níl a scaoileadh ó sheirbhís airm le fáil ag aon duine; ná ní mó a shábhálfaidh an t-olc lucht a dhéanta.

[9]Chonaic mé é sin go léir nuair a leag mé m'intinn ar a ndéantar abhus faoi luí na

em que um homem tem domínio sobre outro homem, para arruiná-lo.

As desigualdades na vida

[10] Assim também vi os perversos receberem sepultura e entrarem no repouso, ao passo que os que freqüentavam o lugar santo foram esquecidos na cidade onde fizeram o bem; também isto é vaidade.

[11] Visto como se não executa logo a sentença sobre a má obra, o coração dos filhos dos homens está inteiramente disposto a praticar o mal.

[12] Ainda que o pecador faça o mal cem vezes, e os dias se lhe prolonguem, eu sei com certeza que bem sucede aos que temem a Deus.

[13] Mas o perverso não irá bem, nem prolongará os seus dias; será como a sombra, visto que não teme diante de Deus.

[14] Ainda há outra vaidade sobre a terra: justos a quem sucede segundo as obras dos perversos, e perversos a quem sucede segundo as obras dos justos. Digo que também isto é vaidade.

[15] Então, exaltei eu a alegria, porquanto para o homem nenhuma coisa há melhor debaixo do sol do que comer, beber e alegrar-se; pois isso o acompanhará no seu trabalho nos dias da vida que Deus lhe dá debaixo do sol.

gréine, nuair a smachtaíonn duine amháin duine eile chun a aimhleasa.

Éagothroime Cúitimh

[10]Ansin chonaic mé lucht míghníomha á gcur le barr toirtéise: agus nuair a thagadh na daoine ón áit naofa, mholtaí an lucht mí-ghníomha sa chathair mar a ndearna siad a ndrochbhearta. Baois is ea é seo go deimhin.

[11]Is é an chúis a spreagtar an duine chun olc a dhéanamh, toisc nach gcuirtear daorbhreith i gcrích go luath ar dhrochbhearta;

[12]óir, d'ainneoin go ndéanann an peacach drochghníomh céad uair, bíonn saol fada aige. Mar sin féin is eol dom an nath seo: éireoidh go maith leo siúd a bhfuil eagla Dé orthu go díreach toisc a eagla a bheith orthu;

[13]ní éireoidh go maith leis an bpeacach ach, ar nos scáile, ní bheidh saol fada aige toisc nach bhfuil eagla Dé air.

[14]Seo baois a tharlaíonn ar talamh: tá daoine ionraice ann a gcaitear leo faoi mar ba dhrochdhaoine iad agus tá drochdhaoine ann a gcaitear leo faoi mar ba dhaoine ionraice iad. Deirimse gur baois is ea é seo go deimhin.

[15]Molaimse mar sin an t-aoibhneas; óir níl aon ní fónta eile ann don duine abhus faoi luí na greine ach bheith ag ithe agus ag ól agus ag déanamh aoibhnis, agus go bhfanfaidh sé seo leis ina chuid saothair ar feadh laethanta na beatha a thugann Dia dó abhus faoi luí na gréine.

16 Aplicando-me a conhecer a sabedoria e a ver o trabalho que há sobre a terra – pois nem de dia nem de noite vê o homem sono nos seus olhos -,

17 então, contemplei toda a obra de Deus e vi que o homem não pode compreender a obra que se faz debaixo do sol; por mais que trabalhe o homem para a descobrir, não a entenderá; e, ainda que diga o sábio que a virá a conhecer, nem por isso a poderá achar.

Eclesiastes 9

A sorte parece ser a mesma para todos

1 Deveras me apliquei a todas estas coisas para claramente entender tudo isto: que os justos, e os sábios, e os seus feitos estão nas mãos de Deus; e, se é amor ou se é ódio que está à sua espera, não o sabe o homem. Tudo lhe está oculto no futuro.

2 Tudo sucede igualmente a todos: o mesmo sucede ao justo e ao perverso; ao bom, ao puro e ao impuro; tanto ao que sacrifica como ao que não sacrifica; ao bom como ao pecador; ao que jura como ao que teme o juramento.

3 Este é o mal que há em tudo quanto se faz debaixo do sol: a todos sucede o mesmo; também o coração dos homens

Tá an Chinniúint Chéanna ag Cách

16Nuair a leag mé m'intinn ar an eagna a fháil agus ar na gnóthaí uile a bhíonn ar siúl ar talamh a scrudú,

17d'aithin mé nach féidir leis an duine an obair go léir a dhéanann Dia abhus faoi luí na gréine a thuiscint,

18fiú amháin mura gcodlaíonn sé lá ná oíche.

19Dá mhéad dá saothraíonn sé ag cuardach na tuisceana dó, ní bhfaighidh sé í; fiú amháin má mheasann an saoi féin go bhfuil sí aige, ní eireoidh leis fios fátha an scéil a aimsiú choíche.

Cóheilit 9

1Rinne mé dianmhachnamh i mo chroí istigh ar an scéal seo go léir agus aithním go bhfuil na fíréin agus na saoithe agus a n-oibreacha uile ar láimh Dé. Ach ní eol don duine an fabhar nó fuath atá ann dó; níl ciall ar bith le ceachtar acu, dar leis.

2Óir, is í an t-aon chinniúint amháin atá i ndán do chách: don fhíréan agus don pheacach, don dea-dhuine agus don drochdhuine, don duine glan agus don duine neamhghlan, don duine a ofrálann íobairt agus don duine nach n-ofrálann íobairt; is ionann cor don duine macánta agus don duine urchóideach, don té a mhionnaíonn go tobann agus don té a bhfuil eagla air mionn a thabhairt.

3I measc na nithe go léir a tharlaíonn abhus faoi luí na gréine is é seo an ceann is measa: nach bhfuil ach an t-aon

está cheio de maldade, nele há desvarios enquanto vivem; depois, rumo aos mortos.

chinniúint amháin i ndán do chách. Dá dheasca sin tá croíthe na ndaoine lán d'urchóid, agus tá an díth céille i réim iontu fad is beo dóibh - agus ina dhiaidh sin siúd leo chun na marbh.

[4] Para aquele que está entre os vivos há esperança; porque mais vale um cão vivo do que um leão morto.

[4]Óir tá ábhar dóchais fós ag an té atá i gcomhluadar na mbeo uile go fóill; mar is fearr madra beo ná leon marbh.

[5] Porque os vivos sabem que hão de morrer, mas os mortos não sabem coisa nenhuma, nem tampouco terão eles recompensa, porque a sua memória jaz no esquecimento.

[5]Dar ndóigh, is eol do na beo go bhfaighidh siad bás, ach níl eolas dá laghad ag na mairbh, agus ní mó ná sin atá luach saothair ar bith ann dóibh a thuilleadh, mar tá a gcuimhne imithe i ndearmad ar fad.

[6] Amor, ódio e inveja para eles já pereceram; para sempre não têm eles parte em coisa alguma do que se faz debaixo do sol.

[6]Tá deireadh lena ngrá agus lena bhfuath agus lena gcuid iomaíochta le fada an lá - ní bheidh baint ná páirt acu choíche arís lena ndéantar abhus faoi luí na gréine.

[7] Vai, pois, come com alegria o teu pão e bebe gostosamente o teu vinho, pois Deus já de antemão se agrada das tuas obras.

[7]Imigh leat, mar sin; ith do chuid aráin le háthas agus ól do chuid fíona le croí meidhreach, mar tá do ghníomhartha taitneamhach le Dia cheana féin.

[8] Em todo tempo sejam alvas as tuas vestes, e jamais falte o óleo sobre a tua cabeça.

[8]Caith éadach geal i gcónaí agus ná bíodh uinnimint de dhíth ar do cheann choíche.

[9] Goza a vida com a mulher que amas, todos os dias de tua vida fugaz, os quais Deus te deu debaixo do sol; porque esta é a tua porção nesta vida pelo trabalho com que te afadigaste debaixo do sol.

[9]Bíodh saol breá agat i gcuideachta na mná céile, a bhfuil grá agat di, ar feadh laethanta uile na beatha díomhaoine a thugann Dia duit abhus faoi luí na gréine, dá bhaoithe féin iad. Óir is é sin an luach saothair atá i ndán duit as ucht a ndéanann tú abhus faoi luí na greine.

[10] Tudo quanto te vier à mão para fazer, faze-o conforme as tuas forças, porque no além, para onde tu vais, não há obra, nem

[10]Cibé ar bith obair a bhíonn idir lámha agat caith iomláine do dhúthrachta léi mar níl obair ná dianmhachnamh ná eolas

projetos, nem conhecimento, nem sabedoria alguma.

Trabalhos sem recompensa

[11] Vi ainda debaixo do sol que não é dos ligeiros o prêmio, nem dos valentes, a vitória, nem tampouco dos sábios, o pão, nem ainda dos prudentes, a riqueza, nem dos inteligentes, o favor; porém tudo depende do tempo e do acaso.

[12] Pois o homem não sabe a sua hora. Como os peixes que se apanham com a rede traiçoeira e como os passarinhos que se prendem com o laço, assim se enredam também os filhos dos homens no tempo da calamidade, quando cai de repente sobre eles.

Exemplo que ilustra esta verdade

[13] Também vi este exemplo de sabedoria debaixo do sol, que foi para mim grande.

[14] Houve uma pequena cidade em que havia poucos homens; veio contra ela um grande rei, sitiou-a e levantou contra ela grandes baluartes.

[15] Encontrou-se nela um homem pobre, porém sábio, que a livrou pela sua sabedoria; contudo, ninguém se lembrou mais daquele pobre.

[16] Então, disse eu: melhor é a sabedoria do que a força, ainda que a sabedoria do pobre é desprezada, e as suas palavras não são ouvidas.

ná eagna i Seól, an áit ar a bhfuil do thriall.

[11]Rud eile fós a chonaic mé abhus faoi luí na gréine: ní hiad na luatha a bhuann an rás, ná na croíthe crua a bhriseann cath, ná na saoithe a fhaigheann an bia, ná lucht na tuisceana a chnuasaíonn an saibhreas, ná an t-aos léinn a thuilleann fabhar, mar tá siad go léir faoi chumhacht na drochuaire agus na cinniúna.

[12]Óir ní eol don duine a ionú féin; mar éisc a cheaptar i líon fealltach, nó mar éin a mbeirtear orthu i gcliabhán, sin mar a ghabhtar daoine nuair a thagann uair an mhí-áidh orthu go tobann.

[13]Seo sampla eile fós den eagna a chonaic mé abhus faoi luí na gréine agus is díol suntais é, dar liom.

[14]Is amhlaidh a bhí cathair bheag ann tráth agus gan morán áitritheoirí inti. Rinne rí cumhachtach áirithe ionsaí uirthi; chuir sé faoi imshuí í agus thóg sé sásanna móra léigir ina haghaidh.

[15]Fuarthas saoi bocht inti, áfach, ach d'ainneoin gur shábháil sé an chathair lena eagna níor choinnigh aon duine cuimhne ar an bhfear bocht ina dhiaidh sin.

[16]Ar an ábhar sin is é a dúirt mé: Is fearr eagna ná neart. Mar sin féin déantar neamhní d'eagna an fhir bhoicht agus ní éistear lena bhriathra.

Cnuasach de Sheanfhocail Éagsúla

[17] As palavras dos sábios, ouvidas em silêncio, valem mais do que os gritos de quem governa entre tolos.

[18] Melhor é a sabedoria do que as armas de guerra, mas um só pecador destrói muitas coisas boas.

[17]Is fearr a éistear le ciúinbhriathra na saoithe ná le callaireacht cheannaire amadán.

[18]Is fearr an eagna ná airm chogaidh; ach d'fhéadfadh aon bhotún amháin mórán maitheasa a mhilleadh.

Eclesiastes 10

A excelência da sabedoria

[1] Qual a mosca morta faz o ungüento do perfumador exalar mau cheiro, assim é para a sabedoria e a honra um pouco de estultícia.

[2] O coração do sábio se inclina para o lado direito, mas o do estulto, para o da esquerda.

[3] Quando o tolo vai pelo caminho, falta-lhe o entendimento; e, assim, a todos mostra que é estulto.

[4] Levantando-se contra ti a indignação do governador, não deixes o teu lugar, porque o ânimo sereno acalma grandes ofensores.

[5] Ainda há um mal que vi debaixo do sol, erro que procede do governador:

[6] o tolo posto em grandes alturas, mas os ricos assentados em lugar baixo.

[7] Vi servos a cavalo e príncipes andando a pé como servos sobre a terra.

[8] Quem abre uma cova nela cairá, e quem rompe um muro, mordê-lo-á uma cobra.

Cóheilit 10

[1]Truaillíonn cuileoga marbha soitheach d'ola chumhra; mar an gcéanna is láidre beagán baoise ná eagna agus onóir.

[2]Casann croí an tsaoi deiseal agus croí an daoi tuathal.

[3]Fiú amháin ag siúl an bhóthair dó, bíonn an daoi ar easpa céille agus tugann sé amadán ar gach duine eile.

[4]Má bhladhmann fearg an rialtóra amach i do choinne, ná fág do phost; óir coisceann an cheansacht coireanna móra.

[5]Tá olc áirithe ann a chonaic mé abhus faoi luí na greine - botún is ea é a bhfuil an rialtóir ciontach leis:

[6]an t-amadán ina ardoifigeach agus lucht an tsaibhris sna poist is ísle.

[7]Chonaic mé sclábhaithe ar muin capall agus prionsaí ag siúl ar an mbóthar mar sclábhaithe.

[8]An té a dhéanann poll, tharlódh go dtitfeadh sé féin isteach ann; an té a leagann fál, thiocfadh dó go mbainfeadh nathair greim as.

[9] Quem arranca pedras será maltratado por elas, e o que racha lenha expõe-se ao perigo.

[9]An té a bhaineann clocha, d'fhéadfadh sé go ngortófaí leo é; an té a ghearrann adhmad, seans go gcuireann sé é féin i mbaol.

[10] Se o ferro está embotado, e não se lhe afia o corte, é preciso redobrar a força; mas a sabedoria resolve com bom êxito.

[10]Má bhíonn an tua maol agus nach gcuirtear faobhar uirthi roimh ré, caithfear breis fuinnimh a úsáid; ach is í an eagna a chuirfidh rath ar chách.

[11] Se a cobra morder antes de estar encantada, não há vantagem no encantador.

[11]Má bhaineann nathair greim as duine sula gcuirtear faoi dhraíocht í, ní bhfaighidh an mealltóir nathrach aon táille.

[12] Nas palavras do sábio há favor, mas ao tolo os seus lábios devoram.

[12]Tarraingíonn briathra béil an eagnaí gnaoi na ndaoine air ach is iad liopaí an amadáin a dhéanann a mhilleadh.

[13] As primeiras palavras da boca do tolo são estultícia, e as últimas, loucura perversa.

[13]Baois is ea tosach a chuid cainte, deargbhuile a deireadh.

[14] O estulto multiplica as palavras, ainda que o homem não sabe o que sucederá; e quem lhe manifestará o que será depois dele?

[14]Bíonn an t-amadán ag glagaireacht leis de shíor ach ní eol d'aon duine céard atá le teacht; óir cé hé ar féidir dó a rá cad a tharlóidh ina dhiaidh.

[15] O trabalho do tolo o fatiga, pois nem sabe ir à cidade.

[15]Cuireann saothar an amadáin tuirse air mar ní eol dó an bóthar chun an bhaile mhóir.

[16] Ai de ti, ó terra cujo rei é criança e cujos príncipes se banqueteiam já de manhã.

[16]Mairg duit, a thír a bhfuil leanbh ina rí ort, agus a mbíonn do phrionsaí ag caitheamh fleá ar maidin.

[17] Ditosa, tu, ó terra cujo rei é filho de nobres e cujos príncipes se sentam à mesa a seu tempo para refazerem as forças e não para bebedice.

[17]Is méanar duit, a thír, ar de shliocht uasal do rí agus nach gcaitheann do phrionsaí fleá go meisciúil ach in am is i dtráth chun a neart a chothú.

[18] Pela muita preguiça desaba o teto, e pela frouxidão das mãos goteja a casa.

[18]De dheasca na leisce tugann an maide mullaigh uaidh; nuair a bhíonn na lámha díomhaoin, bíonn braon anuas sa teach.

[19] O festim faz-se para rir, o vinho alegra a vida, e o dinheiro atende a tudo.

[20] Nem no teu pensamento amaldiçoes o rei, nem tampouco no mais interior do teu quarto, o rico; porque as aves dos céus poderiam levar a tua voz, e o que tem asas daria notícia das tuas palavras.

Eclesiastes 11

O procedimento prudente do sábio

[1] Lança o teu pão sobre as águas, porque depois de muitos dias o acharás.

[2] Reparte com sete e ainda com oito, porque não sabes que mal sobrevirá à terra.

[3] Estando as nuvens cheias, derramam aguaceiro sobre a terra; caindo a árvore para o sul ou para o norte, no lugar em que cair, aí ficará.

[4] Quem somente observa o vento nunca semeará, e o que olha para as nuvens nunca segará.

[5] Assim como tu não sabes qual o caminho do vento, nem como se formam os ossos no ventre da mulher grávida, assim também não sabes as obras de Deus, que faz todas as coisas.

[6] Semeia pela manhã a tua semente e à tarde não repouses a mão, porque não sabes qual prosperará; se esta, se aquela ou se ambas igualmente serão boas.

[19]Caitear fleá ar son an tsuaircis agus cuireann an fíon gliondar ar na beo ach is é an t-airgead a chuireann gach uile rud díobh ar fáil.

[20]Ná cuir mallacht ar an rí fiú i do chroí istigh; ná mallaigh lucht an tsaibhris ach oiread fiú i do sheomra codlata; óir b'fhéidir go n-iompródh éanlaith an aeir do bhriathra chucu agus go n-inseodh dúil sciathánach éigin an scéal.

Cóheilit 11

[1]Caith do chuid aráin ar na huiscí, mar tar éis mórán laethanta gheobhaidh tú ar ais é.

[2]Roinn do mhaoin i seacht nó in ocht gcuid, mar níl a fhios agat cén tubaiste a tharlóidh ar dhroim na talún.

[3]Má bhíonn na néalta lán báistí, fearfaidh siad anuas ar an talamh í; má leagtar crann ó dheas nó ó thuaidh, luífidh sé mar a dtitfidh sé.

[4]An té a bhíonn ag faire na gaoithe, ní chuirfidh sé síol choíche agus an té a bhíonn ag iniúchadh na scamall, ní bhainfidh sé fómhar go deo.

[5]Ní eol duit conas a dhealbhaíonn an t-anam an ghin atá i mbroinn mná torraí; mar an gcéanna, ní eol duit ach oiread obair Dé, cruthaitheoir an uile ní.

[6]Dá bhrí sin cuir an síol ar maidin agus um thráthnóna ná bíodh do lámh díomhaoin; mar níl a fhios agat cé acu den dá

shíolchur a thabharfaidh toradh uaidh nó an mbeidh an rath céanna orthu araon.

7 Doce é a luz, e agradável aos olhos, ver o sol.

8 Ainda que o homem viva muitos anos, regozije-se em todos eles; contudo, deve lembrar-se de que há dias de trevas, porque serão muitos. Tudo quanto sucede é vaidade.

A mocidade

9 Alegra-te, jovem, na tua juventude, e recreie-se o teu coração nos dias da tua mocidade; anda pelos caminhos que satisfazem ao teu coração e agradam aos teus olhos; sabe, porém, que de todas estas coisas Deus te pedirá contas.

10 Afasta, pois, do teu coração o desgosto e remove da tua carne a dor, porque a juventude e a primavera da vida são vaidade.

An Óige agus an tSeanaois

7Nach breá an ní é an solas! Nach aoibhinn do na súile an ghrian a fheiceáil!

8Dá mhéad bliain dá maireann duine baineadh sé taitneamh astu go léir, agus cuimhníodh sé gurb iomaí lá dorchadais a bheidh ann. Baois is ea gach ní dá bhfuil le teacht!

9Déan gairdeas, a ógánaigh, i dtús do shaoil, cuireadh do chroí aoibhneas ort le linn d'óige. Siúil de réir spreagadh do chroí agus de réir sholas do shúl. Ach bíodh a fhios agat go dtabharfaidh Dia chun cuntais thú sna nithe seo go léir.

10Caith an bhuairt amach as do chroí, Díbir an phian ó do chorp. Óir is baois í an óige agus aois na gruaige duibhe.

Eclesiastes 12

A velhice

1 Lembra-te do teu Criador nos dias da tua mocidade, antes que venham os maus dias, e cheguem os anos dos quais dirás: Não tenho neles prazer;

2 antes que se escureçam o sol, a lua e as estrelas do esplendor da tua vida, e tornem a vir as nuvens depois do aguaceiro;

3 no dia em que tremerem os guardas da casa, os teus braços, e se curvarem os homens outrora fortes, as tuas pernas, e cessarem os teus moedores da boca, por já

Cóheilit 12

1Cuimhnigh ar do chruthaitheoir le linn d'óige, sula dtaga na drochlaethanta, agus go ndruide blianta na seanaoise leat, a ndéarfaidh tú fúthu: “Ní bhainim aon sásamh astu”;

2sula ndorchaítear ar an ngrian agus ar sholas an lae, ar an ngealach agus ar na réaltaí, agus sula bhfille na néalta tar éis na fearthainne;

3nuair a bhíonn coimeádaithe an tí ar crith agus na fir láidre cromtha síos; nuair a stadann na meilteoirí mná den obair de bhrí nach bhfuil ach roinnt bheag díobh

serem poucos, e se escurecerem os teus olhos nas janelas;

ann; nuair nach bhfeictear níos mó an bhantracht a bhíodh ag féachaint amach an fhuinneog;

[4] e os teus lábios, quais portas da rua, se fecharem; no dia em que não puderes falar em alta voz, te levantares à voz das aves, e todas as harmonias, filhas da música, te diminuírem;

[4]nuair a dhúntar doirse na sráide agus go dtéann glór an mhuilinn in isle brí; nuair a bhíonn guth na héanlaithe [ina thost] agus nach gcloistear na héin cheoil níos mo;

[5] como também quando temeres o que é alto, e te espantares no caminho, e te embranqueceres, como floresce a amendoeira, e o gafanhoto te for um peso, e te perecer o apetite; porque vais à casa eterna, e os pranteadores andem rodeando pela praça;

[5]nuair a bhíonn eagla ar dhuine roimh arda agus scanradh air siúl sa tsraid; nuair a bhíonn an crann almóinne faoi bhláth agus an dreoilín teaspaigh ag éirí malltriallach agus caor na cupraisce gan éifeacht; óir tá an duine ag triall ar an áitreabh síoraí agus siúlann na caointeoirí mórthimpeall na sráideanna;

[6] antes que se rompa o fio de prata, e se despedace o copo de ouro, e se quebre o cântaro junto à fonte, e se desfaça a roda junto ao poço,

[6]sula ngearrtar an corda airgid agus go ndéantar smidiríní den bhabhla óir; sula mbristear an crúiscín ag an tobar agus go scaoiltear an roth ar an bhfuarán;

[7] e o pó volte à terra, como o era, e o espírito volte a Deus, que o deu.

[7]sula bhfille an deannach ar an talamh mar a raibh sé tráth agus anáil na beatha ar Dhia a bhronn í.

[8] Vaidade de vaidade, diz o Pregador, tudo é vaidade.

[8]Baois na baoise, a deir Cóheilit; níl in aon ní ach baois.

Conclusão

[9] O Pregador, além de sábio, ainda ensinou ao povo o conhecimento; e, atentando e esquadrinhando, compôs muitos provérbios.

[10] Procurou o Pregador achar palavras agradáveis e escrever com retidão palavras de verdade.

[11] As palavras dos sábios são como aguilhões, e como pregos bem fixados as

Iarfhocal

[9]I dteannta a bheith ina eagnaí é féin, roinn Cóheilit a chuid eolais ar an bpobal freisin agus é ag meá agus ag mionscrúdú agus ag cóiriú a lán seanfhocal.

[10]D'fhéach Cóheilit le briathra taitneamhacha a fháil agus an fhírinne a chur síos le barr cruinnis.

[11]Broid is ea briathra na saoithe agus is cosúil le tairní dea-dhaingnithe an díolaim

sentenças coligidas, dadas pelo único Pastor.

[12] Demais, filho meu, atenta: não há limite para fazer livros, e o muito estudar é enfado da carne.

[13] De tudo o que se tem ouvido, a suma é: Teme a Deus e guarda os seus mandamentos; porque isto é o dever de todo homem.

[14] Porque Deus há de trazer a juízo todas as obras, até as que estão escondidas, quer sejam boas, quer sejam más.

seanráite a thug an t-aon aoire amháin uaidh.

[12]Lena chois sin, a mhic, seachain thú féin! Níl aon teorainn leis na leabhair a scríobhtar agus tuirsíonn mórán staidéir an cholainn.

[13]Mar choimriú scoir ar a bhfuil cloiste agat: bíodh eagla Dé ort agus coimeád a aitheanta, mar is é sin príomhdhualgas an duine.

[14]Óir tabharfaidh Dia breithiúnas ar gach gníomh, agus gach gníomh folaithe san áireamh freisin, cibé olc maith é.

Cântico dos Cânticos de Salomão

Cântico 1

[1] Cântico dos cânticos de Salomão.

Primeiro cântico

Esposa

[2] Beija-me com os beijos de tua boca; porque melhor é o teu amor do que o vinho.

[3] Suave é o aroma dos teus ungüentos, como ungüento derramado é o teu nome; por isso, as donzelas te amam.

[4] Leva-me após ti, apressemo-nos. O rei me introduziu nas suas recâmaras.

Coro

Em ti nos regozijaremos e nos alegraremos; do teu amor nos lembraremos, mais do que do vinho; não é sem razão que te amam.

Esposa

[5] Eu estou morena e formosa, ó filhas de Jerusalém, como as tendas de Quedar, como as cortinas de Salomão.

[6] Não olheis para o eu estar morena, porque o sol me queimou. Os filhos de minha mãe se indignaram contra mim e me puseram por guarda de vinhas; a vinha, porém, que me pertence, não a guardei.

[7] Dize-me, ó amado de minha alma: onde apascentas o teu rebanho, onde o fazes repousar pelo meio-dia, para que não ande eu vagando junto ao rebanho dos teus companheiros?

Esposo

Laoi na Laoithe

Laoi na Laoithe 1

[1]Laoi na laoithe do Sholamh.

Ise

[2]Pógadh sé mé de phóga a bhéil óir is fearr do ghrá ná fíon.

[3]Is maith é cumhracht d'ola, ola dhoirte d'ainm a d'fhág na cailíní i ngean leat.

[4]Tarraing i do dhiaidh mé, rithimis. Tabhair isteach mé a rí, i do theach féin. Tú ár n-áthas, tú ár n-aoibhneas. Mórfaimid do ghrá thar fhíon. Is ciallmhar iad an mhuintir a thug grá duit.

Ise

[5]Más dubh mé, is sciamhach, a mhná Iarúsaileim; mar bhotha céadair, mar bhéalscátha Sholaimh.

[6]Ná féachaigí ar dhath mo chraicinn, is amhlaidh a dhóigh an ghrian mé. Mo dheartháireacha, a bhí anuas orm, d'fhág i bhfeighil na bhfíonghort mé, faoi deara faillí m'fhíonghoirt féin.

[7]Inis dom, a ghrá mo chroí, Cá gcuireann tú do thréad ar féarach, Cá gcuireann chun luí ó bhrothall an lae iad; i dtreo nach gcaithfinn gabháil ag cuardach trí thréada do chomharsana?

Mná Iarúsailéim

[8] Se tu não o sabes, ó mais formosa entre as mulheres, sai-te pelas pisadas dos rebanhos e apascenta os teus cabritos junto às tendas dos pastores.

[8]Murab eol duit, a bhean thar mhná, lean lorg na gcaorach; cuir do mheannáin ar féarach in aice bhoth na dtréadaithe.

Eisean

[9] Às éguas dos carros de Faraó te comparo, ó querida minha.

[9]Mo chapaill faoi charbad Fhorainn, is mar sin liom tú, a chara.

[10] Formosas são as tuas faces entre os teus enfeites, o teu pescoço, com os colares.

[10]Is breá do ghruanna d'ainneoin fáinní cluas, agus do mhuineál d'ainneoin muincí.

[11] Enfeites de ouro te faremos, com incrustações de prata.

[11]Déanfaimid muince óir duit agus cnaipí airgid inti.

Esposa

Ise

[12] Enquanto o rei está assentado à sua mesa, o meu nardo exala o seu perfume.

[12]Nuair atá an rí [ag a bhord], tá mo nard ag tabhairt a chumhrachta.

[13] O meu amado é para mim um saquitel de mirra, posto entre os meus seios.

[13]Miorr cumhra liom mo ghrá i sparán ar mo bhrollach.

[14] Como um racimo de flores de hena nas vinhas de En-Gedi, é para mim o meu amado.

[14]Gas coifir liom mo ghrá as fíonghort Thobar Gheidí.

Esposo

Eisean

[15] Eis que és formosa, ó querida minha, eis que és formosa; os teus olhos são como os das pombas.

[15]Nach álainn tú, a rún, nach álainn! do shúile is coilm iad.

Esposa

Ise

[16] Como és formoso, amado meu, como és amável! O nosso leito é de viçosas folhas,

[16]Nach álainn tú, a ghrá; is aoibhinn go deimhin. I lár dhuilliúr ár leapa.

Eisean

[17] as traves da nossa casa são de cedro, e os seus caibros, de cipreste.

[17]Crann céadrais díon ár dtí, adhmad píne ár dtroscán.

Cântico 2

Laoi na Laoithe 2

Ise

[1] Eu sou a rosa de Sarom, o lírio dos vales.

[1]Lus an chroimchinn beag ar mhá mé, seileastar bocht i ngleann.

Esposo

Eisean

[2] Qual o lírio entre os espinhos, tal é a minha querida entre as donzelas.

[2]Seileastar idir driseacha mo rúnsa idir mná.

Esposa

Ise

[3] Qual a macieira entre as árvores do bosque, tal é o meu amado entre os jovens; desejo muito a sua sombra e debaixo dela me assento, e o seu fruto é doce ao meu paladar.

[3]Crann úll thar chrainn na coille mo ghrása thar fir. Faoina scáth suím, mar ba mhian liom; milis le mo bhéal a ulla.

[4] Leva-me à sala do banquete, e o seu estandarte sobre mim é o amor.

[4]Thug sé go teach an fhíona mé; grá a mheirge orm.

[5] Sustentai-me com passas, confortai-me com maçãs, pois desfaleço de amor.

[5]Neartaigí le cácaí rísín mé; Cuirigí brí ionam le húlla, Mar tá galar an ghrá orm.

[6] A sua mão esquerda esteja debaixo da minha cabeça, e a direita me abrace.

[6]A lámh chlé faoi mo cheann, a lámh dheas tharm anall.

Eisean

[7] Conjuro-vos, ó filhas de Jerusalém, pelas gazelas e cervas do campo, que não acordeis, nem desperteis o amor, até que este o queira.

[7]Agraím oraibh, a mhná Iarúsailéim, dar fia agus eilití na má, Ná corraigí, ná músclaígí mo rún go dtograí sí féin.

Segundo cântico

Ise

[8] Ouço a voz do meu amado; ei-lo aí galgando os montes, pulando sobre os outeiros.

[8]Éist! mo ghrá! Chugainn é thar bharr na gcnoc ag léim na ngleannta.

[9] O meu amado é semelhante ao gamo ou ao filho da gazela; eis que está detrás da nossa parede, olhando pelas janelas, espreitando pelas grades.

[9]Cosúil mo ghrá le heilit nó le fia óg ag léim. Sin é lasmuigh anois é, ag féachaint isteach an fhuinneog, Ag faire agus ag glinniúint.

[10] O meu amado fala e me diz:

[10]Seo é mo ghrá ag labhairt liom:

Esposo

Eisean

Levanta-te, querida minha, formosa minha, e vem.

Éirigh chugam, a rún; a ghile, gluais liom.

[11] Porque eis que passou o inverno, cessou a chuva e se foi;

[11]Seo anois tá an geimhreadh thart, tá an bháisteach glanta feasta,

[12] aparecem as flores na terra, chegou o tempo de cantarem as aves, e a voz da rola ouve-se em nossa terra.

[12]tá an tír seo againne faoi bhláth, tháinig aimsir scoite na bhfíniúna; tá an fearán ag durdáil amuigh,

[13] A figueira começou a dar seus figos, e as vides em flor exalam o seu aroma; levanta-te, querida minha, formosa minha, e vem.

[13]figí glasa ar an gcrann, cumhracht bláth fíniúna ar an ngaoith. Éirigh chugam, a rún; a ghile, gluais liom.

Eisean

[14] Pomba minha, que andas pelas fendas dos penhascos, no esconderijo das rochas escarpadas, mostra-me o rosto, faze-me ouvir a tua voz, porque a tua voz é doce, e o teu rosto, amável.

Esposa

[15] Apanhai-me as raposas, as raposinhas, que devastam os vinhedos, porque as nossas vinhas estão em flor.

[16] O meu amado é meu, e eu sou dele; ele apascenta o seu rebanho entre os lírios.

[17] Antes que refresque o dia e fujam as sombras, volta, amado meu; faze-te semelhante ao gamo ou ao filho das gazelas sobre os montes escabrosos.

Cântico 3

[1] De noite, no meu leito, busquei o amado de minha alma, busquei-o e não o achei.

[2] Levantar-me-ei, pois, e rodearei a cidade, pelas ruas e pelas praças; buscarei o amado da minha alma. Busquei-o e não o achei.

[3] Encontraram-me os guardas, que rondavam pela cidade. Então, lhes perguntei: vistes o amado da minha alma?

[4] Mal os deixei, encontrei logo o amado da minha alma; agarrei-me a ele e não o deixei ir embora, até que o fiz entrar em casa de minha mãe e na recâmara daquela que me concebeu.

[5] Conjuro-vos, ó filhas de Jerusalém, pelas gazelas e cervas do campo, que não acordeis, nem desperteis o amor, até que este o queira.

Terceiro cântico

[14]Mo cholm i scailp na haille, i bhfolach i bpluaiseanna, dá bhfeicfinn do ghnúis, dá gcluinfinn do ghuth! óir is binn é do ghuth, is álainn í do ghnúis.

Ise

[15]Beirigí ar na sionnaigh, na sionnaigh bheaga dúinn, do mhill an fíonghort, ár bhfíonghort faoi bhláth.

[16]Liomsa mo ghrá agus leis-sean mise, i measc na mbláthanna chuir sé a thréad,

[17]Go séide lá go scaipe scáth, fill... bí cosúil, a ghrá, le heilit, nó le hoisín na bhfia ar Chnoc [Tairngire].

Laoi na Laoithe 3

[1]Ar mo leaba dom i gcoim oíche a loirg mé grá m'anma, a loirg mé agus ní bhfuair.

[2]Éireoidh mé, cuardóidh mé, tríd an mbaile, trí na sráideanna, lorgfaidh mé grá mo chroí. - Má loirg, ní bhfuair.

[3]Theagmhaigh liom na gardaí ar a gcuairteanna tríd an mbaile: “An bhfaca sibh grá mo chroí?”

[4]Ní fada a ghabh mé tharstu gur theagmhaigh grá mo chroí liom. Rugas greim air nach scaoilfidh mé go dtabharfaidh mé isteach é i dteach mo mháthar i seomra mo bhuime.

Eisean

[5]Agraím oraibh, a iníona Iarúsailéim, dar fia agus eilití na má, ná corraigí, ná músclaígí mo rún, go dtograí sí féin.

Coro

[6] Que é isso que sobe do deserto, como colunas de fumaça, perfumado de mirra, e de incenso, e de toda sorte de pós aromáticos do mercador?

[16] Os que te virem te contemplarão, hão de fitar-te e dizer-te: É este o homem que fazia estremecer a terra e tremer os reinos?

[17] Que punha o mundo como um deserto e assolava as suas cidades? Que a seus cativos não deixava ir para casa?

[18] Todos os reis das nações, sim, todos eles, jazem com honra, cada um, no seu túmulo.

[19] Mas tu és lançado fora da tua sepultura, como um renovo bastardo, coberto de mortos traspassados à espada, cujo cadáver desce à cova e é pisado de pedras.

[20] Com eles não te reunirás na sepultura, porque destruíste a tua terra e mataste o teu povo; a descendência dos malignos jamais será nomeada.

[21] Preparai a matança para os filhos, por causa da maldade de seus pais, para que não se levantem, e possuam a terra, e encham o mundo de cidades.

[22] Levantar-me-ei contra eles, diz o SENHOR dos Exércitos; exterminarei de Babilônia o nome e os sobreviventes, os descendentes e a posteridade, diz o SENHOR.

[23] Reduzi-la-ei a possessão de ouriços e a lagoas de águas; varrê-la-ei com a vassoura da destruição, diz o SENHOR dos Exércitos.

Profecia contra os assírios

[16]Iad siúd a fheiceann thú, breathnaíonn siad ort, stánann ort agus déanann a machnamh: “An é sin an fear a chuireadh an domhan ar crith, a leagadh na ríochtaí ar lár,

[17]a rinne fásach den talamh agus fothracha de na bailte, agus nár scaoil cime as braighdeanas riamh?”

[18]Ríthe uile na náisiún, tá siad ina luí faoi ghradam, gach aon ina thuama féin.

[19]Ach tusa, tá tú caite amach as d'uaigh mar bheadh dramhaíl déistineach, ár agus coscairt chlaímh sa mhullach ort, agus tú ar chlocha na díge i do chosair chró.

[20]Ní bheidh cuid ar bith leo siúd agat san adhlacadh. Óir tá do thír féin scriosta agat, agus do mhuintir díothaithe. Ní bheidh iomrá go deo arís ar ál sin na n-urchóideach.

[21]Cuirigí eirleach in áirithe dá chlann mhac i gcúiteamh ar mhírún a n-athar. Ná héirídís go deo arís chun an domhan a ghabháil ina seilbh, chun aghaidh na talún a chlúdach lena líon.

Fáistine in Éadan na Bablóine

[22]“Éireoidh mé suas ina n-éadan - briathar Thiarna na Slua - agus teascfaidh mé den Bhablóin a hainm agus a hiarsma. Gan síol gan sliocht a bheidh sí - briathar an Tiarna.

[23]Déanfaidh mé fearann don ghráinneog aisti, agus riasc. Scuabfaidh mé í le scuab an scriosta - briathar Thiarna na Slua.”

An Asaír le Scrios

[24] Jurou o SENHOR dos Exércitos, dizendo: Como pensei, assim sucederá, e, como determinei, assim se efetuará.

[25] Quebrantarei a Assíria na minha terra e nas minhas montanhas a pisarei, para que o seu jugo se aparte de Israel, e a sua carga se desvie dos ombros dele.

[26] Este é o desígnio que se formou concernente a toda a terra; e esta é a mão que está estendida sobre todas as nações.

[27] Porque o SENHOR dos Exércitos o determinou; quem, pois, o invalidará? A sua mão está estendida; quem, pois, a fará voltar atrás?

Profecia contra os filisteus

[28] No ano em que morreu o rei Acaz, foi pronunciada esta sentença:

[29] Não te alegres, tu, toda a Filístia, por estar quebrada a vara que te feria; porque da estirpe da cobra sairá uma áspide, e o seu fruto será uma serpente voadora.

[30] Os primogênitos dos pobres serão apascentados, e os necessitados se deitarão seguros; mas farei morrer de fome a tua raiz, e serão destruídos os teus sobreviventes.

[31] Uiva, ó porta; grita, ó cidade; tu, ó Filístia toda, treme; porque do Norte vem fumaça, e ninguém há que se afaste das fileiras.

[32] Que se responderá, pois, aos mensageiros dos gentios? Que o SENHOR

[24]Thug Tiarna na Slua a mhionn air, á rá: "Cinnte! Díreach mar a thuar mé, is amhlaidh a thiocfaidh isteach. An rud a shocraigh mé, is é a chuirfear i gcrích:

[25]An Asaír a bhriseadh i mo dhúiche féin, í a bhascadh ar mo shléibhte. Sleamhnóidh a cuing díbh, sleamhnóidh a hualach de bhur ngualainn.'

[26]Is é seo an beart ar cinneadh air in éadan na talún go hiomlán; is í seo an lámh atá sínte amach in éadan na náisiún.

[27]Ó chinn Tiarna na Slua ar a bheart, cé a leomhfadh a chur ar ceal? Má shíneann sé amach a lámh, cé a thabharfadh air í a tharraingt chuige isteach?

Foláireamh do na Filistínigh

[28]An bhliain a bhfuair Áchaz rí bás a tugadh an fháistine seo:

[29]Ná bíodh gairdeas ortsa, a Fhilistía go léir, de bharr gur briseadh an bata a bhíodh do do léasadh, óir as pór na péiste tiocfaidh nathair, agus a thoradh sin arís, beidh ina dhragan sciathánach.

[30]Ach beidh na bochtáin ag iníor ar mo thailte féaraigh, agus na truáin ag ligean a scíthe go slán sábháilte. Maidir le do shliochtsa, áfach, tabharfaidh mé a mbás le hocras agus maróidh mé a bhfuil fágtha díbh.

[31]Lig uaill sa gheata! Glaoigh ar chabhair sa chathair! Bíodh scéin ort, a Fhilistía go léir! Óir tá namhaid ag triall aduaidh ina dheatach agus fágálach ní bheidh ina chuid cathlán.

[32]Cén freagra a thabharfar ansin do theachtairí an chine sin? An méid seo,

fundou a Sião, e nela encontram refúgio os aflitos do seu povo.

Isaías 15

Profecia contra Moabe

[1] Sentença contra Moabe. Certamente, numa noite foi assolada Ar de Moabe e ela está destruída; certamente, numa noite foi assolada Quir de Moabe e ela está destruída.

[2] Sobe-se ao templo e a Dibom, aos altos, para chorar; nos montes Nebo e Medeba, lamenta Moabe; todas as cabeças se tornam calvas, e toda barba é rapada.

[3] Cingem-se de panos de saco nas suas ruas; nos seus terraços e nas suas praças, andam todos uivando e choram abundantemente.

[4] Tanto Hesbom como Eleale andam gritando; até Jaza se ouve a sua voz; por isso, os armados de Moabe clamam; a sua alma treme dentro dele.

[5] O meu coração clama por causa de Moabe, cujos fugitivos vão até Zoar, novilha de três anos; vão chorando pela subida de Luíte e no caminho de Horonaim levantam grito de desespero;

[6] porque as águas de Ninrim desaparecem; seca-se o pasto, acaba-se a erva, e já não há verdura alguma,

[7] pelo que o que pouparam, o que ganharam e depositaram eles mesmos levam para além das torrentes dos salgueiros;

gurb é an Tiarna a bhunaigh Síón ina háit, agus is ann a gheobhaidh dearóile a mhuintire dídean.

Íseáia 15

Olagón ar Mhóáb

[1]Fáistine i dtaobh Mhóáb. An oíche a ndearnadh creach ar Ár, fágadh Móáb ina thost; an oíche ar creachadh Cír, fágadh Móáb ina thost.

[2]Táthar ag dul suas go teampall Dhíobón, suas ar na hardáin chun caoineadh; ar Neabó agus i Maedabá tá Móáb ag olagón. Tá gach cloigeann bearrtha, gach féasóg lomtha;

[3]sna sráideanna tá éadach róin orthu, agus ar bharr na dtithe táthar ag caoineadh. Sna cearnóga tá gach aon ag olagón agus an gol ag briseadh orthu.

[4]Tá Heisbeon agus Eileálae ag éagaoin, chomh fada le Iahaz tá siad le cloisint. Is uime sin atá corróga Mhóáb ar crith, agus a anam ag creathnú.

[5]Tá mo chroí ag éagaoin ar son Mhóáb, agus a uaisle ar teicheadh fad le Zoar. Och! fána Lúichít suas atá a dtriall agus iad ag caoineadh. Ar bhealach Horonáím tá siad ag gol go coscarthach.

[6]Och! uiscí Nimrím, is sceirdiúil an áit í; tá an féar feoite, an scraith ghlas seargtha, lusra níl ann níos mó.

[7]Is é sin an fáth a bhfuil a soláthar déanta agus a bhfuil a maoin á hiompar acu thar Sruthán na Saileach anonn.

[8] porque o pranto rodeia os limites de Moabe; até Eglaim chega o seu clamor, e ainda até Beer-Elim, o seu lamento;
[9] porque as águas de Dimom estão cheias de sangue; pois ainda acrescentarei a Dimom: leões contra aqueles que escaparem de Moabe e contra os restantes da terra.

[8]Och! déanann an liúireach cuairt chríoch Mhóáb; fhad le hEaglaím tá a uailleach le cloisint, a uailleach fad le Béar Éilím.

[9]Och! tá uiscí Dhímeon ina dtuilte fola; ach tá tubaistí le teacht fós ar Dhímeon, leon ar fhuíoll air Mhóáb agus ar iarmhar na tíre sin.

Isaías 16

[1] Enviai cordeiros ao dominador da terra, desde Sela, pelo deserto, até ao monte da filha de Sião.

[2] Como pássaro espantado, lançado fora do ninho, assim são as filhas de Moabe nos vaus do Arnom, que dizem:

[3] Dá conselhos, executa o juízo e faze a tua sombra no pino do meio-dia como a noite; esconde os desterrados e não descubras os fugitivos.

[4] Habitem entre ti os desterrados de Moabe, serve-lhes de esconderijo contra o destruidor. Quando o homem violento tiver fim, a destruição for desfeita e o opressor deixar a terra,

[5] então, um trono se firmará em benignidade, e sobre ele no tabernáculo de Davi se assentará com fidelidade um que julgue, busque o juízo e não tarde em fazer justiça.

Íseáia 16

Muintir Mhóáb ar Lorg Dídine

[1]Cuirigí uain mar bhronntanas chuig rialtóir na tíre, ón gCarraig ar thaobh na díthreibhe go sliabh iníon Shíón.
[2]Ag cleitearnach anonn is anall mar a bheadh nead scolamán tréigthe, is amhlaidh atá iníonacha Mhóáb cois áthanna an Arnón.
[3]“Tabhair comhairle dúinn, tabhair breith ar ár gcas. Sín amach do scáth mar bheadh coim na hoíche ann i lár an lae ghil. Cuir iad siúd atá scaipthe i bhfolach, ná déan brath ar an teifeach.
[4]Lig dóibh cur fúthu i do theach, muintir scaipthe sin Mhóáb; bí i do thearmainn acu i gcoinne an chreachadóra. Nuair a bheidh deireadh leis an ansmacht, críoch leis an gcreachadóireacht, agus lucht chosarbolg imithe as an tír,
[5]is ann a bhunófar an chathaoir ríoga faoi chineáltas, agus beidh ina shuí inti faoi dhílseacht, i mboth Dháiví, breitheamh ar mór leis an ceart agus ar luath chuige cíocras na córach.”

Mairgneach i dtaobh Mhóáb

[6] Temos ouvido da soberba de Moabe, soberbo em extremo; da sua arrogância, do seu orgulho e do seu furor; a sua jactância é vã.

[7] Portanto, uivará Moabe, cada um por Moabe; gemereis profundamente abatidos pelas pastas de uvas de Quir-Haresete.

[8] Porque os campos de Hesbom estão murchos; os senhores das nações talaram os melhores ramos da vinha de Sibma, que se estenderam até Jazer e se perderam no deserto, sarmentos que se estenderam e passaram além do mar.

[9] Pelo que prantearei, com o pranto de Jazer, a vinha de Sibma; regar-te-ei com as minhas lágrimas, ó Hesbom, ó Eleale; pois, sobre os teus frutos de verão e sobre a tua vindima, caiu já dos inimigos o eia, como o de pisadores.

[10] Fugiu a alegria e o regozijo do pomar; nas vinhas já não se canta, nem há júbilo algum; já não se pisarão as uvas nos lagares. Eu fiz cessar o eia dos pisadores.

[11] Pelo que por Moabe vibra como harpa o meu íntimo, e o meu coração, por Quir-Heres.

[12] Ver-se-á como Moabe se cansa nos altos, como entra no santuário a orar e nada alcança.

[6]Chualamar trácht ar uabhar Mhóáb, uabhar as miosúr, uaillmhian agus borr agus bród, mórtas tóin gan taca.

[7]Dá dheasca sin, tá muintir Mhóáb ag caoineadh Mhóáb. Tá siad go léir ag caoineadh le chéile, i ndiaidh cístí rísín Chír Harasait tá siad ag mairgneach go cráite.

[8]Óir tá tailte Heisbeon faoi chrann smola agus fíniúin Shibmeá, a mbeireadh a gcrobhaingí bua ar thiarnaí na náisiún. Shroiseadh siad fhad le Iazaer, bhíodh siad spréite amach chomh fada leis an bhfásach; bhí a gcraobhacha ag leathadh amach thar farraige anonn.

[9]Uime sin, tá mé ag caoineadh mar a chaoineann Iazaer, i ndiaidh fíniúin Shibmeá; silfidh mé mo dheora oraibh go fras a Heisbeon agus a Eileálae. Óir thar do thorthaí agus thar fhómhar an fhíona chualathas gáir chatha;

[10]tá an t-áthas agus an lúcháir imithe as gort agus garraí. Sna fíonghoirt níl ceol ná liú áthais le cloisint; níl aon fhíon á fháscadh sna cantaoirí, tá an húrla-hárla ina thost.

[11]Dá bharr sin, ar son Mhóáb tá mo chliabh mar chláirseach ar crith, agus mo chroí istigh ar son Chír Harasait.

[12]Saothar in aisce ag Móáb a theacht chun teampaill, á thraochadh féin ag scrínte na n-ardán; a dhul isteach ina shanctóir a ghuí, níl gar ann dó.

Fáistine i dtaobh Mhóáb

[13] Esta é a palavra que o SENHOR há muito pronunciou contra Moabe.

[14] Agora, porém, o SENHOR fala e diz: Dentro de três anos, tais como os de jornaleiros, será envilecida a glória de Moabe, com toda a sua grande multidão; e o restante será pouco, pequeno e débil.

Isaías 17

Profecia contra Damasco e Efraim

[1] Sentença contra Damasco. Eis que Damasco deixará de ser cidade e será um montão de ruínas.

[2] As cidades de Aroer serão abandonadas; hão de ser para os rebanhos, que aí se deitarão sem haver quem os espante.

[3] A fortaleza de Efraim desaparecerá, como também o reino de Damasco e o restante da Síria; serão como a glória dos filhos de Israel, diz o SENHOR dos Exércitos.

[4] Naquele dia, a glória de Jacó será apoucada, e a gordura da sua carne desaparecerá.

[5] Será, quando o segador ajunta a cana do trigo e com o braço sega as espigas, como quem colhe espigas, como quem colhe espigas no vale dos Refains.

[6] Mas ainda ficarão alguns rabiscos, como no sacudir da oliveira; duas ou três azeitonas na ponta do ramo mais alto, e quatro ou cinco nos ramos mais exteriores de uma árvore frutífera, diz o SENHOR, Deus de Israel.

[13]Gurb é sin an focal a labhair an Tiarna i gcoinne Mhóáb fadó.

[14]Ach anois deir sé: “I gcionn trí bhliain, ag áireamh mar a dhéanfadh fear aimsire, beidh maise agus mórgacht Mhóáb ina ndíol tarcaisne d'ainneoin líon a mhuintire, agus beidh a bhfuílleach tearc, tanaí, gan acmhainn.”

Íseáia 17

I dtaobh na Damaisce

[1]Fáistine i gcoinne na Damaisce. Tá an Damaisc chun scor mar chathair, ní bheidh ann ach carnán fothrach.

[2]Beidh a cuid bailte tréigthe go deo, agus tréada ag iníor ina n-áit; luífidh siad síos iontu gan duine lena ruaigeadh.

[3]Tá Eafráim ag dul a dhúnphort a chailliúint, agus an Damaisc a réimeas; caithfear le fuílleach Arám mar a chaithfear le glóir chlann Iosrael. Briathar Thiarna na Slua.

[4]Sa lá sin beidh claochlú ar ghlóir Iacóib; beidh a shaill go trua tairteolach.

[5]Amhail nuair a tharraingíonn an buanaí gabháil den arbhar chuige, agus go mbaineann a lámh na diasa; amhail nuair a bhíonn na ceannóga á gcnuasach i ngleann Rafáím.

[6]Níl fágtha ach an cnuasach; amhail nuair a bhuailtear crann olóige, a dó nó a trí de chaora fágtha ar a bharr, a ceathair nó a cúig ar ghéaga an chrainn. Briathar an Tiarna, Dia Iosrael.

[7] Naquele dia, olhará o homem para o seu Criador, e os seus olhos atentarão para o Santo de Israel.

[8] E não olhará para os altares, obra das suas mãos, nem atentará para o que fizeram seus dedos, nem para os postes-ídolos, nem para os altares do incenso.

[9] Naquele dia, serão as suas cidades fortes como os lugares abandonados no bosque ou sobre o cimo das montanhas, os quais outrora foram abandonados ante os filhos de Israel, e haverá assolação;

[10] porquanto te esqueceste do Deus da tua salvação e não te lembraste da Rocha da tua fortaleza. Ainda que faças plantações formosas e plantes mudas de fora,

[11] e, no dia em que as plantares, as fizeres crescer, e na manhã seguinte as fizeres florescer, ainda assim a colheita voará no dia da tribulação e das dores incuráveis.

[12] Ai do bramido dos grandes povos que bramam como bramam os mares, e do rugido das nações que rugem como rugem as impetuosas águas!

[13] Rugirão as nações, como rugem as muitas águas, mas Deus as repreenderá, e fugirão para longe; serão afugentadas como a palha dos montes diante do vento e como pó levado pelo tufão.

[14] Ao anoitecer, eis que há pavor, e, antes que amanheça o dia, já não existem. Este

[7]Sa lá sin breathnóidh an duine ar a Chruthaitheoir agus casfaidh a shúile i dtreo Neach Naofa Iosrael.

[8]Ní bhreathnóidh sé níos mó i leith na n-altóirí, déantús a lámh féin, ná ní amharcfaidh ar an rud a rinne a mhéara féin, na cuaillí coisricthe agus galláin na gréine.

In Éadan Gairdíní Adóinis

[9]Sa lá sin, beidh do bhailte tréigthe mar a bhí bailte mhuintir [Amór agus Hiv,] a fágadh nuair a bhí clann Iosrael ag teacht. Díthreabh a bheidh iontu,

[10]mar go ndearna tú dearmad ar Dhia do shlánaithe, agus nár choinnigh tú cuimhne ar Charraig do nirt. Óir plandaíonn tú plandáil in onóir d'Adóinis, cuireann tú slapair de chuid na coigríche inti;

[11]an lá a gcuireann tú iad, bíonn siad ag geamhrú agat, agus le teacht na maidine bíonn bláth ar do churadóireacht; ach beidh an fómhar millte lá an léin, agus an phian gan leigheas.

Rabharta na gCiníocha

[12]Och: búiríl na sluaite ollmhóra, búiríl mar a bheadh búiríl na mórmhara, tuargaint na náisiún ag tuargaint mar a bheadh tuargaint an lán mara.

[13]Bagraíonn sé orthu, scinneann siad i bhfad ar shiúl láithreach, á siabadh mar lochán i mbéal na gaoithe ar na harda, mar a bheadh sí gaoithe i mbéal na stoirme.

[14]Um thráthnóna, scéin ar fad; roimh mhaidin níl siad ann níos mó. Is í seo

é o quinhão daqueles que nos despojam e a sorte daqueles que nos saqueiam.

Isaías 18

Profecia contra a Etiópia

[1] Ai da terra onde há o roçar de muitas asas de insetos, que está além dos rios da Etiópia;

[2] que envia embaixadores por mar em navios de papiro sobre as águas, dizendo: Ide, mensageiros velozes, a uma nação de homens altos e de pele brunida, a um povo terrível, de perto e de longe; a uma nação poderosa e esmagadora, cuja terra os rios dividem.

[3] Vós, todos os habitantes do mundo, e vós, os moradores da terra, quando se arvorar a bandeira nos montes, olhai; e, quando se tocar a trombeta, escutai.

[4] Porque assim me disse o SENHOR: Olhando da minha morada, estarei calmo como o ardor quieto do sol resplandecente, como a nuvem do orvalho no calor da sega.

[5] Porque antes da vindima, caída já a flor, e quando as uvas amadurecem, então, podará os sarmentos com a foice e cortará os ramos que se estendem.

[6] Serão deixados juntos às aves dos montes e aos animais da terra; sobre eles veranearão as aves de rapina, e todos os animais da terra passarão o inverno sobre eles.

cinniúint ár gcreachadóirí, is é is dán don dream a rinne slad orainn.

Íseáia 18

Fáistine in Éadan Chúis

[1]Chugatsa atáim, a thír na sciathán seabhránach, ar an taobh thall d'aibhneacha Chúis,

[2]tusa a sheolann do chuid teachtaí uait ar an bhfarraige, ag taisteal in árthaí giolcach ar dhroim na n-uiscí. Imígí libh, a theachtairí meara, chun cine na scafairí griandaite, chuig an náisiún a raibh eagla rompu riamh anall, cine cumhachtach caithréimeach, sa tír a shileann na haibhneacha.

[3]A mhuintir an domhain uile, a áitreabhacha na talún go léir, breathnaígí, tá an comhartha á chrochadh in airde; éistigí, tá an stoc á shéideadh.

[4]Óir is é seo atá an Tiarna a rá liom: “Ón áit a bhfuil mo chónaí, tá mé ag breathnú uaim go socair, le linn loinnir agus ruithne teasa, le ceo drúchta i mbrothall an fhómhair.”

[5]Roimh fhómhar an fhíona, agus aimsir na mbachlóg thart, nuair a aibíonn an bláth chun caor, gearrtar na péacáin leis an gcorrán, déantar beangáin a scoitheadh agus a theascadh.

[6]Fágfar ansin iad go léir le haghaidh éin chreiche na sléibhte agus ainmhithe allta na talún. Caithfidh na héin an samhradh ag gabháil dóibh, agus na hainmhithe allta an geimhreadh.

[7] Naquele tempo, será levado um presente ao SENHOR dos Exércitos por um povo de homens altos e de pele brunida, povo terrível, de perto e de longe; por uma nação poderosa e esmagadora, cuja terra os rios dividem, ao lugar do nome do SENHOR dos Exércitos, ao monte Sião.

[7]Ag an am sin tabharfar bronntanais chuig Tiarna na Slua ó chine na scafairí griandaite, ón náisiun a raibh eagla rompu riamh anall, ón gcine cumhachtach caithréimeach sa tír a shileann na haibhneacha; tabharfar iad chuig an áit ina lonnaíonn ainm Thiarna na Slua, ar shliabh Shíón.

Isaías 19

Profecia contra o Egito

[1] Sentença contra o Egito. Eis que o SENHOR, cavalgando uma nuvem ligeira, vem ao Egito; os ídolos do Egito estremecerão diante dele, e o coração dos egípcios se derreterá dentro deles.

[2] Porque farei com que egípcios se levantem contra egípcios, e cada um pelejará contra o seu irmão e cada um contra seu próximo; cidade contra cidade, reino contra reino.

[3] O espírito dos egípcios se esvaecerá dentro deles, e anularei o seu conselho; eles consultarão os seus ídolos, e encantadores, e necromantes, e feiticeiros.

[4] Entregarei os egípcios nas mãos de um senhor duro, e um rei feroz os dominará, diz o SENHOR, o SENHOR dos Exércitos.

[5] Secarão as águas do Nilo, e o rio se tornará seco e árido.

[6] Os canais exalarão mau cheiro, e os braços do Nilo diminuirão e se esgotarão; as canas e os juncos se murcharão.

Íseáia 19

I gCoinne na hÉigipte

[1]Fáistine i gcoinne na hÉigipte. Seo an Tiarna ag teacht, ag marcaíocht go mear ar scamall; chun na hÉigipte atá a thriall. Tá íola na hÉigipte ar crith roimhe, tá tuirse chroí ar mhuintir na hÉigipte.

[2]Dreasóidh mé na hÉigiptigh in éadan a chéile, beidh siad ag troid bráthair in aghaidh bráthar, cara in aghaidh carad, baile in aghaidh baile, ríocht in aghaidh ríochta.

[3]Beidh mearbhall ar an Éigipt, mar cuirfidh mé a gcomhairle trí chéile; beidh siad ag lorg faisnéise ó dhéithe bréige agus ó dhraoithe, ó lucht feasa agus asarlaíochta.

[4]Tá mé chun an Éigipt a thabhairt isteach i lámha aintiarna, agus beidh réimeas ag rí danartha orthu. Seo é briathar Thiarna Dia na Slua.

[5]Rachaidh uiscí na mara i ndísc, beidh an abhainn spalptha tirim,

[6]beidh boladh bréan ó na díogacha, agus sruthháin na Níle ag titim agus ag triomú. Seargfaidh na feagacha agus na giolcacha,

[7] A relva que está junto ao Nilo, junto às suas ribanceiras, e tudo o que foi semeado junto dele se secarão, serão levados pelo vento e não subsistirão.

[8] Os pescadores gemerão, suspirarão todos os que lançam anzol ao rio, e os que estendem rede sobre as águas desfalecerão.

[9] Consternar-se-ão os que trabalham em linho fino e os que tecem pano de algodão.

[10] Os seus grandes serão esmagados, e todos os jornaleiros andarão de alma entristecida.

[11] Na verdade, são néscios os príncipes de Zoã; os sábios conselheiros de Faraó dão conselhos estúpidos; como, pois, direis a Faraó: Sou filho de sábios, filho de antigos reis?

[12] Onde estão agora os teus sábios? Anunciem-te agora ou informem-te do que o SENHOR dos Exércitos determinou contra o Egito.

[13] Loucos se tornaram os príncipes de Zoã, enganados estão os príncipes de Mênfis; fazem errar o Egito os que são a pedra de esquina das suas tribos.

[14] O SENHOR derramou no coração deles um espírito estonteante; eles fizeram estontear o Egito em toda a sua obra, como o bêbado quando cambaleia no seu vômito.

[7]agus gach a bhfásann ar bhruacha na Níle. Críonfaidh plandaí na Níle go léir, siabfar ar shiúl agus ní fheicfear iad níos mó.

[8]Beidh na hiascairí ag mairgneach agus lucht caite duan sa Níl ag caoineadh; lucht spréite eangacha ar an uisce, beidh siad ag olagón.

[9]Bainfear siar as lucht saothraithe an lín, as lucht cardála fós agus lucht fite an éadaigh bháin.

[10]Beidh alltacht ar na sníomhadóirí agus beaguchtach ar lucht ceirde ar fad.

[11]Amadáin chríochnaithe iad, prionsaí Zoan; na comhairleoirí is críonna atá ag Forann, tá siad dobhránta. Conas a leomhann sibh a rá le Forann: “Dalta de chuid na saoithe is ea mise, de shliocht na seanríthe anallód”?

[12]Cá bhfuil siad, na saoithe seo agaibh? Amach leo anois agus léiríodh siad duit a bhfuil socraithe ag Tiarna na Slua a bhfuil i ndán aige don Éigipt.

[13]Amadáin iad prionsaí Zoan; tá prionsaí Nof á mealladh féin. Tá an Éigipt ar seachrán acu, ag ceannairí seo a cuid cúigí.

[14]Chuir an Tiarna isteach iontu meadhrán agus mearbhall intinne. Tá an Éigipt ag tuisleadh acu i ngach rud a dhéanann sí, mar a bheadh fear meisce ag tuisleadh ina chuid orla.

[15] Não aproveitará ao Egito obra alguma que possa ser feita pela cabeça ou cauda, pela palma ou junco.

[16] Naquele dia, os egípcios serão como mulheres; tremerão e temerão ao levantar-se da mão do SENHOR dos Exércitos, que ele agitará contra eles.

[17] A terra de Judá será espanto para o Egito; todo aquele que dela se lembrar encher-se-á de pavor por causa do propósito do SENHOR dos Exércitos, do que determinou contra eles.

[18] Naquele dia, haverá cinco cidades na terra do Egito que falarão a língua de Canaã e farão juramento ao SENHOR dos Exércitos; uma delas se chamará Cidade do Sol.

[19] Naquele dia, o SENHOR terá um altar no meio da terra do Egito, e uma coluna se erigirá ao SENHOR na sua fronteira.

[20] Servirá de sinal e de testemunho ao SENHOR dos Exércitos na terra do Egito; ao SENHOR clamarão por causa dos opressores, e ele lhes enviará um salvador e defensor que os há de livrar.

[21] O SENHOR se dará a conhecer ao Egito, e os egípcios conhecerão o SENHOR naquele dia; sim, eles o adorarão com sacrifícios e ofertas de manjares, e farão votos ao SENHOR, e os cumprirão.

[22] Ferirá o SENHOR os egípcios, ferirá, mas os curará; converter-se-ão ao

[15]Ní bheidh dada san Éigipt gur féidir leo a dhéanamh, le ceann ná le heireaball, le pailm ná le giolcach.

An Éigipt agus an Asaír le hIompú

[16]Sa lá sin, beidh na hÉigiptigh mar mhná, scaoll agus scanradh iontu ó bhagairt na láimhe atá an Tiarna a bhagairt orthu.

[17]Beidh dúiche Iúdá ina hábhar uamhain ag an Éigipt. Gach uair a luafar leo í, tiocfaidh eagla orthu de bharr na seifte atá ceaptha ag Tiarna na Slua ina gcoinne.

[18]Sa lá sin, beidh cúig bailte i dtír na hÉigipte agus teanga Chanán á labhairt acu, a thabharfaidh mionn dar Tiarna na Slua; beidh Cathair na Gréine ar cheann acu.

[19]Sa lá sin, beidh altóir in onóir don Tiarna i lár thír na hÉigipte agus gallán coisricthe dó in aice na teorann.

[20]Beidh siad ina gcomhartha agus ina bhfianaise do Thiarna na Slua i dtír na hÉigipte. Nuair a ghlaofaidh siad ar an Tiarna in am an leatroim, cuirfidh sé slánaitheoir chucu á gcosaint agus á bhfuascailt.

[21]Agus cuirfidh an Tiarna é féin in aithne do na hÉigiptigh agus admhóidh siad é agus déanfaidh umhlóid dó le híobairtí agus le hofrálacha. Déanfaidh siad móideanna don Tiarna agus comhlíonfaidh iad.

[22]Ansin, má bhuail an Tiarna na hÉigiptigh go crua féin, leigheasfaidh sé iad. Iompóidh siad i leith an Tiarna agus

SENHOR, e ele lhes atenderá as orações e os curará.

23 Naquele dia, haverá estrada do Egito até à Assíria, os assírios irão ao Egito, e os egípcios, à Assíria; e os egípcios adorarão com os assírios.

24 Naquele dia, Israel será o terceiro com os egípcios e os assírios, uma bênção no meio da terra;
25 porque o SENHOR dos Exércitos os abençoará, dizendo: Bendito seja o Egito, meu povo, e a Assíria, obra de minhas mãos, e Israel, minha herança.

Isaías 20

Profecia do cativeiro dos egípcios e dos etíopes

1 No ano em que Tartã, enviado por Sargão, rei da Assíria, veio a Asdode, e a guerreou, e a tomou,

2 nesse mesmo tempo, falou o SENHOR por intermédio de Isaías, filho de Amoz, dizendo: Vai, solta de teus lombos o pano grosseiro de profeta e tira dos pés o calçado. Assim ele o fez, indo despido e descalço.

3 Então, disse o SENHOR: Assim como Isaías, meu servo, andou três anos despido e descalço, por sinal e prodígio contra o Egito e contra a Etiópia,

4 assim o rei da Assíria levará os presos do Egito e os exilados da Etiópia, tanto moços como velhos, despidos e descalços e com

tabharfaidh sé toradh ar a nguí agus leigheasfaidh iad.

23Sa lá sin, beidh bealach mór ann ón Éigipt go dtí an Asaír. Tiocfaidh an Asaír chun na hÉigipte, agus an Éigipt chun na hAsaíre. Beidh an Éigipt agus an Asaír ag adhradh Dé le chéile.

24Sa lá sin, beidh beannacht ar Iosrael, mar aon leis an Éigipt agus an Asaír, a dtriúr, i lár na talún. Beannóidh Tiarna na Slua iad, á rá: “Bíodh beannacht ar mo phobal, an Éigipt, ar an Asaír, déantús mo lámh, agus ar Iosrael, m'oidhreacht.”

Íseáia 20

Gabháil Aisdeod

1An bhliain ar tháinig an tArdoifigeach go hAisdeod, arna chur uaidh ag Sargon, rí na hAsaíre, d'ionsaigh sé Aisdeod agus ghabh é.

2San am sin, bhí an Tiarna tar éis labhairt trí mhinistreacht Íseáia mhic Ámóz. Dúirt sé leis: “Gabh agus scaoil an t-éadach róin atá thart ar do choim agat agus bain na cuaráin de do chosa.” Rinne sé amhlaidh agus bhí sé ag gabháil thart tarnocht agus cosnocht.

3Ansin dúirt an Tiarna: “Díreach mar bhí mo sheirbhíseach Íseáia ag gabháil thart tarnocht agus cosnocht ar feadh trí bhliain, ina chomhartha agus ina mhana don Éigipt agus do Chúis,

4is amhlaidh a dhéanfaidh rí na hAsaíre cimí na hÉigipte agus deoraithe Chúis a chinnireacht ar shiúl leis, idir óg agus

as nádegas descobertas, para vergonha do Egito.

[5] Então, se assombrarão os israelitas e se envergonharão por causa dos etíopes, sua esperança, e dos egípcios, sua glória.

[6] Os moradores desta região dirão naquele dia: Vede, foi isto que aconteceu àqueles em quem esperávamos e a quem fugimos por socorro, para livrar-nos do rei da Assíria! Como, pois, escaparemos nós?

Isaías 21

Profecia contra a Babilônia

[1] Sentença contra o deserto do mar. Como os tufões vêm do Sul, ele virá do deserto, da horrível terra.

[2] Dura visão me foi anunciada: o pérfido procede perfidamente, e o destruidor anda destruindo. Sobe, ó Elão, sitia, ó Média; já fiz cessar todo gemer.

[3] Pelo que os meus lombos estão cheios de angústias; dores se apoderaram de mim como as de parturiente; contorço-me de dores e não posso ouvir, desfaleço-me e não posso ver.

[4] O meu coração cambaleia, o horror me apavora; a noite que eu desejava se me tornou em tremores.

[5] Põe-se a mesa, estendem-se tapetes, come-se e bebe-se. Levantai-vos, príncipes, untai o escudo.

aosta, tarnocht agus cosnocht agus másnocht.

[5]Agus beidh eagla agus náire oraibh as Cúis, a raibh bhur muinín ann, agus as an Éigipt, a raibh sibh chomh teann sin aisti.

[6]Agus déarfaidh muintir an chósta anseo: ‘Féach ar tharla don té a raibh muinín againn ann agus a ndeachaigh muid chuige ar lorg cabhrach agus dídine ar rí na hAsaíre. Cén bealach éalaithe atá againn anois? ’ ”

Íseáia 21

Turnamh na Bablóine

[1]Fáistine i dtaobh an mhachaire cois na farraige. Gairfean chugainn ar nós séideáin ag scuabadh an deiscirt, ag teacht isteach as an bhfásach, isteach as tír an uafáis

[2] - is scáfar an fhís a fuair mé - tá fear na creiche i mbun creiche, tá an sladaí ag slad. “Suas leat, a Éalám, suas chun an léigir libh, a Mhéideacha! Cuirfidh mise críoch leis an gcaoineadh.”

[3]Is uime sin atá mo chorróga ar bhall amháin creatha; fuair na freanga greim orm, mar bheadh freanga mná seolta; tá mé róbhuartha le cloisint, róscanraithe le feiceáil.

[4]Tá mearbhall ar mo chroí; tá scaoll orm de bharr an chreatha; an clapsholas a raibh mé ag dréim leis, is cúis chearthaí dom é.

[5]Tá an bord á chóiriú agus á chlúdach le héadach; táthar ag ithe agus ag ól… Suas

6 Pois assim me disse o SENHOR: Vai, põe o atalaia, e ele que diga o que vir.

7 Quando vir uma tropa de cavaleiros de dois a dois, uma tropa de jumentos e uma tropa de camelos, ele que escute diligentemente com grande atenção.

8 Então, o atalaia gritou como um leão: SENHOR, sobre a torre de vigia estou em pé continuamente durante o dia e de guarda me ponho noites inteiras.

9 Eis agora vem uma tropa de homens, cavaleiros de dois a dois. Então, ergueu ele a voz e disse: Caiu, caiu Babilônia; e todas as imagens de escultura dos seus deuses jazem despedaçadas por terra.

10 Oh! Povo meu, debulhado e batido como o trigo da minha eira! O que ouvi do SENHOR dos Exércitos, Deus de Israel, isso vos anunciei.

Profecia contra Dumá

11 Sentença contra Dumá. Gritam-me de Seir: Guarda, a que hora estamos da noite? Guarda, a que horas?

12 Respondeu o guarda: Vem a manhã, e também a noite; se quereis perguntar, perguntai; voltai, vinde.

Profecia contra a Arábia

13 Sentença contra a Arábia. Nos bosques da Arábia, passareis a noite, ó caravanas de dedanitas.

libh, a cheanna feadhna! Smearaigí bhur sciath.

6Óir seo an rud a dúirt an Tiarna liom: “Gabh agus cuir fear i mbun faire, fógraíodh sé an méid atá le feiceáil aige.

7Feiceann sé marcshlua, marcaigh ina mbeirt agus ina mbeirt, marcaigh ar asail, marcaigh ar chamaill. Tá sé ag airdeall, ag airdeall go haireach.”

8Scairt an fear faire ansin: “Ar thúr na faire, a Thiarna, tá mé i mo sheasamh an lá ar fad, agus oíche in aghaidh na hoíche i mbun mo gharda.

9Féach, seo chugainn an marcshlua, na marcaigh ina mbeirt agus ina mbeirt.” Agus tháinig an freagra ar ais: “Tá sí ar lár, tá an Bhablóin ar lár, agus dealbha a cuid déithe uile ina smionagar ar talamh.”

10A phobal liom atá do do bhualadh i do choirce ar an láithreán buailte, an ní a chuala mé ó Thiarna na Slua, ó Dhia Iosrael, is é atá á fhógairt agam duit.

Freagra ar Mhuintir Eadóm

11Fáistine i dtaobh Eadóm. Táthar ag glaoch orm as Saeír: “A fhir fhaire, cá fada fós an oíche? A fhir fhaire, cá fada fós an oíche?”

12Is é freagra an fhir fhaire: “Chugainn an mhaidin, agus an oíche arís ina diaidh. Más gá daoibh fiafraí, bígí ag fiafraí; ach iompú thart is gá daoibh, agus filleadh.

Fáistine do na hArabaigh

13Fáistine fá choinne an mhachaire. A bhuíonta fáin na nDéadánach, arb é scrobarnach an mhachaire is ceathrúin oíche daoibh,

[14] Traga-se água ao encontro dos sedentos; ó moradores da terra de Tema, levai pão aos fugitivos.
[15] Porque fogem de diante das espadas, de diante da espada nua, de diante do arco armado e de diante do furor da guerra.

[16] Porque assim me disse o SENHOR: Dentro de um ano, tal como o de jornaleiro, toda a glória de Quedar desaparecerá.
[17] E o restante do número dos flecheiros, os valentes dos filhos de Quedar, será diminuto, porque assim o disse o SENHOR, Deus de Israel.

Isaías 22

Profecia contra Jerusalém

[1] Sentença contra o vale da Visão. Que tens agora, que todo o teu povo sobe aos telhados?
[2] Tu, cidade que estavas cheia de aclamações, cidade estrepitosa, cidade alegre! Os teus mortos não foram mortos à espada, nem morreram na guerra.

[3] Todos os teus príncipes fogem à uma e são presos sem que se use o arco; todos os teus que foram encontrados foram presos, sem embargo de já estarem longe na fuga.

[4] Portanto, digo: desviai de mim a vista e chorarei amargamente; não insistais por causa da ruína da filha do meu povo.

[5] Porque dia de alvoroço, de atropelamento e confusão é este da parte

[14]tugaigí uisce libh in airicis lucht an íota; a mhuintir Théamá, amach libh le bia ar chionn na dteifeach.
[15]Óir is ón gclaíomh atá siad ag teitheadh, ó fhaobhar an chlaímh, ón mbogha agus é lúbtha, agus ó bhroid an chatha.

I gCoinne Chéadár

[16]Is ea, labhair an Tiarna liom mar seo: "Bliain amháin eile, a háireamh mar a dhéanfadh fear aimsire, agus beidh críoch le glóir agus le neart Chéadár.
[17]De líon lucht na mboghanna, de ghaiscígh chlann Chéadár, is beag a bheidh fágtha, óir is é an Tiarna, Dia Iosrael, a dúirt é."

Íseáia 22

I gCoinne Gairdeas Míthráthúil Iarúsailéim

[1]Fáistine in aghaidh Ghleann Hionnom. Cad tá ort go bhfuil tú imithe suas ar fad ar bharr na dtithe,
[2]a chathair an challáin, a bhaile na círéibe, agus tú lán de ghairdeas? Ní coscar claímh do choscar, ná ní sa chath a thit do chuid marbh;
[3]tá do cheannfoirt uile i ndiaidh a thabhairt do na boinn, ina bpríosúnaigh gan bogha a lúbadh. An chuid is cróga agaibh, tá siad ina bpríosúnaigh, tar éis gur theith siad i bhfad ar shiúl.
[4]Is ar an ábhar sin a deirim: "Iompaígí uaim go gcaoine mé go goirt; ná bígí ag brú sóláis orm i ndíothú iníon mo mhuintire."
[5]Óir lá trioblóide agus treascartha agus tranglaim atá chugainn, agus is é an

do SENHOR, o SENHOR dos Exércitos, no vale da Visão: um derribar de muros e clamor que vai até aos montes.

[6] Porque Elão tomou a aljava e vem com carros e cavaleiros; e Quir descobre os escudos.

[7] Os teus mais formosos vales se enchem de carros, e os cavaleiros se põem em ordem às portas.

[8] Tira-se a proteção de Judá. Naquele dia, olharás para as armas da Casa do Bosque.

[9] Notareis as brechas da Cidade de Davi, por serem muitas, e ajuntareis as águas do açude inferior.

[10] Também contareis as casas de Jerusalém e delas derribareis, para fortalecer os muros.

[11] Fareis também um reservatório entre os dois muros para as águas do açude velho, mas não cogitais de olhar para cima, para aquele que suscitou essas calamidades, nem considerais naquele que há muito as formou.

[12] O SENHOR, o SENHOR dos Exércitos, vos convida naquele dia para chorar, prantear, rapar a cabeça e cingir o cilício.

[13] Porém é só gozo e alegria que se vêem; matam-se bois, degolam-se ovelhas, come-se carne, bebe-se vinho e se diz: Comamos e bebamos, que amanhã morreremos.

Tiarna Dia na Slua faoi deara é. Sa ghleann sin Hionnom tá ballaí á leagan, táthar ag scairteadh ar chabhair ar an sliabh.

[6]Tá Éalám ag breith chuige a bholgán saighead, agus Arám ag dul sa diallait; tá Cír ag baint an chumhdaigh dá sciath.

[7]An chuid is áille de do ghleannta, tá siad breac le carbaid; tá an marcshlua in ionad os coinne na ngeataí.

[8]Agus sin críoch le cosaint Iúdá.

I gCoinne Ullmhú Míleata

Bhí do shúil an lá sin le harmlann Áras na Foraoise.

[9]Bhreathnaigh sibh chomh líonmhar agus bhí na bearnaí i múr chathair Dháiví. Cheap sibh uiscí na Linne Íochtair.

[10]Rinne sibh tithe Iarúsailéim a chuntas, agus leag sibh cuid acu chun an múr a dhaingniú.

[11]I lár báire, rinne sibh obair idir an dá mhúr faoi choinne uisce na Seanlinne. Ach níor chuimhnigh sibh ar an gCruthaitheoir ná ní fhaca an Té a mhúnlaigh an t-iomlán fadó riamh.

[12]Bhí an Tiarna Dia na Slua ag glaoch oraibh an lá sin chun caoineadh a dhéanamh agus mairgneach, chun sibh féin a bhearradh agus éadach róin a chur oraibh.

[13]Ina ionad sin, siamsa atá ar siúl agus sult, mairt á marú agus caoirigh á gcoscairt, feoil á halpadh agus fíon á ól; agus sibh ag ceapadh: "Ithimis agus ólaimis, mar beidh an bás againn amárach."

[14] Mas o SENHOR dos Exércitos se declara aos meus ouvidos, dizendo: Certamente, esta maldade não será perdoada, até que morrais, diz o SENHOR, o SENHOR dos Exércitos.

Sebna é degradado. Eliaquim é exaltado

[15] Assim diz o SENHOR, o SENHOR dos Exércitos: Anda, vai ter com esse administrador, com Sebna, o mordomo, e pergunta-lhe:

[16] Que é que tens aqui? Ou a quem tens tu aqui, para que abrisses aqui uma sepultura, lavrando em lugar alto a tua sepultura, cinzelando na rocha a tua própria morada?

[17] Eis que como homem forte o SENHOR te arrojará violentamente; agarrar-te-á com firmeza,

[18] enrolar-te-á num invólucro e te fará rolar como uma bola para terra espaçosa; ali morrerás, e ali acabarão os carros da tua glória, ó tu, vergonha da casa do teu senhor.

[19] Eu te lançarei fora do teu posto, e serás derribado da tua posição.

[20] Naquele dia, chamarei a meu servo Eliaquim, filho de Hilquias,

[21] vesti-lo-ei da tua túnica, cingi-lo-ei com a tua faixa e lhe entregarei nas mãos o teu poder, e ele será como pai para os moradores de Jerusalém e para a casa de Judá.

[14]Fuair mo chluasa an foilsiú seo ó Thiarna na Slua: “Ní dhéanfar sásamh sa pheaca seo go deo, go dtí go bhfaighe sibh bás,” a deir an Tiarna Dia na Slua.

In Éadan Aire

[15]Seo mar a deir an Tiarna Dia na Slua: “Imigh leat chuig an feidhmeannach seo, chuig Seabná, maor an pháláis, agus abair leis:

[16]‘Cén ceart nó cén gnó atá agat anseo go bhfuil tú ag gearradh tuama duit féin ann, ag gearradh amach tuama ar an ard, ag snoí seomra duit féin sa charraig? ’

[17]Féach, steallfaidh an Tiarna amach thú d'aon steall amháin; tá sé ag dul i ngleic agus i ngreim leat.

[18]Corann agus cornann sé thú i do chorna, agus caitheann i do cheirtlín thú i dtír leitheadach amach. Is ann a gheobhaidh tú bás, agus is ann a fhágfar na carbaid a bhfuil tú chomh teann astu; tusa atá i do chúis náire do theaghlach do thiarna.”

Fáistine eile in Éadan Sheabná

[19]Brisfidh mé as do phost thú, as d'ionad stróicim thú anuas;

[20]agus an lá céanna glaoim ar mo sheirbhíseach, Eiliácaím mac Hilciá.

[21]Tá mé chun a ghléasadh i d'ionarsa, chun é a fheistiú le do shursaing, agus tugaim do chumhacht isteach ina láimh, agus beidh sé ina athair ag muintir Iarúsailéim, agus ag teaghlach Iúdá.

22 Porei sobre o seu ombro a chave da casa de Davi; ele abrirá, e ninguém fechará, fechará, e ninguém abrirá.
23 Fincá-lo-ei como estaca em lugar firme, e ele será como um trono de honra para a casa de seu pai.

24 Nele, pendurarão toda a responsabilidade da casa de seu pai, a prole e os descendentes, todos os utensílios menores, desde as taças até as garrafas.

25 Naquele dia, diz o SENHOR dos Exércitos, a estaca que fora fincada em lugar firme será tirada, será arrancada e cairá, e a carga que nela estava se desprenderá, porque o SENHOR o disse.

22Tá mé ag leagan eochair theach Dháiví ar a ghualainn; má osclaíonn sé, ní dhúnfar; má dhúnann, ní osclófar.
23Cuirim i bhfostú é mar bheadh tairne in áit dhaingean: déanfar cathaoir onóra de i gcomhair theaghlach a athar.

Turnamh Chlann Eiliácaím

24Beidh maoin theaghlach a athar ar fad crochta as - idir shíol agus shliocht - na mionghréithe go léir, idir choirn agus chrúisciní.

25Sa lá sin - briathar Thiarna na Slua - tabharfaidh sé uaidh, an tairne sin a cuireadh i bhfostú san áit dhaingean. Ropfar amach é agus titfidh sé. Agus an t-ualach iomlán atá ag crochadh as, brisfear é, óir tá an Tiarna tar éis labhairt.

Isaías 23

Profecia contra Tiro

1 Sentença contra Tiro. Uivai, navios de Társis, porque está assolada, a ponto de não haver nela casa nenhuma, nem ancoradouro. Da terra de Chipre lhes foi isto revelado.

2 Calai-vos, moradores do litoral, vós a quem os mercadores de Sidom enriqueceram, navegando pelo mar.

3 Através das vastas águas, vinha o cereal dos canais do Egito e a ceifa do Nilo, como a tua renda, Tiro, que vieste a ser a feira das nações.
4 Envergonha-te, ó Sidom, porque o mar, a fortaleza do mar, fala, dizendo: Não tive

Íseáia 23

Dán ar an Tuír agus Síodón

1Fáistine i dtaobh na Tuíre. Caoinigí, a longa Thairsís, mar tá bhur longfort scriosta. Ar a mbealach ó thír Chitím is ea chuala siad an scéala.

2Déanaigí mairgneach, a mhuintir an chósta, a cheannaithe Shíodóine, a mbíodh bhur bhfeidhmeannaigh ag taisteal na bhfarraigí
3agus na bóchna móire. Arbhar na Níle agus fómhar na hAbhann a rinne a saibhreas, agus bhíodh sí ag díol leis an domhan mór.
4Náire agus ceann faoi ort, a Shíodón, óir seo mar a labhraíonn an tréanmhuir:

dores de parto, não dei à luz, não criei rapazes, nem eduquei donzelas.

“Tinneas clainne níl orm feasta, ná ní bheirim leanbh; níl clann mhac agam le tógáil ná iníonacha le hoiliúint.”

[5] Quando a notícia a respeito de Tiro chegar ao Egito, com ela se angustiarão os homens.

[5]Nuair a gheobhaidh siad an tuairisc san Éigipt, beidh siad ar crith de bharr chinniúint na Tuíre.

[6] Passai a Társis, uivai, moradores do litoral.

[6]Tógaigí oraibh go Tairsís siar, a deir siad, bígí ag mairgneach, a mhuintir an chósta.

[7] É esta, acaso, a vossa cidade que andava exultante, cuja origem data de remotos dias, cujos pés a levaram até longe para estabelecer-se?

[7]An é sin bhur gcathair ghriothalánach, a bhfuil cáil uirthi ón seanam anall, a dtugadh a cosa ag taisteal i bhfad, chun cónaí a dhéanamh i gcéin?

[8] Quem formou este desígnio contra Tiro, a cidade distribuidora de coroas, cujos mercadores são príncipes e cujos negociantes são os mais nobres da terra?

[8]Cé a cheap an beart seo i gcoinne Tuír na gcoróineacha, a mbíodh a ceannaithe ina bprionsaí, agus a trádálaithe ar mhóruaisle na talún?

[9] O SENHOR dos Exércitos formou este desígnio para denegrir a soberba de toda beleza e envilecer os mais nobres da terra.

[9]Is é Tiarna na Slua a bheartaigh, chun díomas a scéimhe a ísliú, chun toicithe na talún a chaitheamh síos.

[10] Percorre livremente como o Nilo a tua terra, ó filha de Társis; já não há quem te restrinja.

[10]Téigí le talmhaíocht, a mhuintir Thairsís, níl an calafort ann níos mó!

[11] O SENHOR estendeu a mão sobre o mar e turbou os reinos; deu ordens contra Canaã, para que se destruíssem as suas fortalezas.

[11]Shín an Tiarna amach a lámh os cionn na farraige agus chroith sé a cuid ríochtaí; thug sé an t-ordú go scriosfaí dúnfoirt Chanán.

[12] E disse: Nunca mais exultarás, ó oprimida virgem filha de Sidom; levanta-te, passa a Chipre, mas ainda ali não terás descanso.

[12]Dúirt sé: “Ná bíodh lúcháir ort níos mó, a mhaighdean ar a ndearnadh éigean, a iníon Shíodóine! Dá n-éireofá agus triall anonn go Citím; thall ansin fiú, níl scíth i ndán duit ach oiread.”

[13] Eis a terra dos caldeus, povo que até há pouco não era povo e que a Assíria destinara para os sátiros do deserto; povo

[13]Féach an tír seo dár dhual longa! Thóg na Caildéigh a dtúir léigir. Leag siad a cuid daingean agus d'fhág ina ballóg í.

que levantou suas torres, e arrasou os palácios de Tiro, e os converteu em ruínas.

[14] Uivai, navios de Társis, porque é destruída a que era a vossa fortaleza!

[15] Naquele dia, Tiro será posta em esquecimento por setenta anos, segundo os dias de um rei; mas no fim dos setenta anos dar-se-á com Tiro o que consta na canção da meretriz:

[16] Toma a harpa, rodeia a cidade, ó meretriz, entregue ao esquecimento; canta bem, toca, multiplica as tuas canções, para que se recordem de ti.

[17] Findos os setenta anos, o SENHOR atentará para Tiro, e ela tornará ao salário da sua impureza e se prostituirá com todos os reinos da terra.

[18] O ganho e o salário de sua impureza serão dedicados ao SENHOR; não serão entesourados, nem guardados, mas o seu ganho será para os que habitam perante o SENHOR, para que tenham comida em abundância e vestes finas.

Isaías 24

[1] Eis que o SENHOR vai devastar e desolar a terra, vai transtornar a sua superfície e lhe dispersar os moradores.

[2] O que suceder ao povo sucederá ao sacerdote; ao servo, como ao seu senhor; à serva, como à sua dona; ao comprador,

[14]Caoinigí, a longa Thairsís, mar tá bhur longfort scriosta!

An Tuír á cur faoi Smacht

[15]Tarlóidh sé an lá sin go ndéanfar dearmad ar an Tuír go cionn deich mbliana agus trí scór. Ach nuair a thiocfaidh rí eile i gcoróin, i gcionn deich mbliana agus trí scór, beidh an Tuír cosúil le striapach an amhráin:

[16]Tóg do chláirseach, déan cuairt na cathrach, a striapach bhocht thréigthe! Seinn go binn, croch suas do cheol, spreag cuimhne ort sna daoine arís!

[17]Mar sin i gcionn deich mbliana agus trí scór tiocfaidh an Tiarna ar a chuairt chuig an Tuír. Tosóidh sí arís ar chúiteamh a cuid striapachais a fháil. Deanfaidh sí striapach di féin le ríochtaí an domhain uile ar dhroim talún.

[18]Ach déanfar a sochar agus a tuarastal a thiomnú don Tiarna; ní chruinneofar ná ní chuirfear i dtaisce iad. Is dóibh siúd a chaitheann a saol os comhair an Tiarna a rachaidh a sochar, chun go mbeidh a sáith le hithe acu agus éadach galánta.

Íseáia 24

Fáistine faoi lá Breithiúnais Dé
An Breithiúnas

[1]Féach, tá an Tiarna ag creachadh na talún, tá sé á scriosadh agus á hiompú bun os cionn; tá a muintir á scaipeadh aige,

[2]idir chléir agus thuath, idir uasal agus íseal, máistreás agus searbhónta, díoltóir

como ao vendedor; ao que empresta, como ao que toma emprestado; ao credor, como ao devedor.

agus ceannaitheoir, iasachtóir agus iasachtaí, creidiúnaí agus féichiúnaí.

[3] A terra será de todo devastada e totalmente saqueada, porque o SENHOR é quem proferiu esta palavra.

[3]Creachta agus seanchreachta atá sí, mar thalamh; sladaithe agus deargshladaithe a bheidh, mar a d'ordaigh an Tiarna.

[4] A terra pranteia e se murcha; o mundo enfraquece e se murcha; enlanguescem os mais altos do povo da terra.

[4]Tá an talamh faoi bhrón agus in ísle brí, tá an domhan ag meath agus in ísle brí, tá neamh agus talamh ag meath.

[5] Na verdade, a terra está contaminada por causa dos seus moradores, porquanto transgridem as leis, violam os estatutos e quebram a aliança eterna.

[5]Tá an talamh truaillithe faoi chosa a cuid áitreabhach, óir sháraigh siad na dlíthe, bhris na reachtanna, choill an conradh síoraí.

[6] Por isso, a maldição consome a terra, e os que habitam nela se tornam culpados; por isso, serão queimados os moradores da terra, e poucos homens restarão.

[6]Is ar an ábhar sin atá crann smola ag alpadh na talún agus a háitreabhaigh ag íoc as a gcionta. Is uime sin atá áitreabhaigh na talún ina ngualach dóite, agus gan ach beagán den chine daonna fágtha.

An Chathair Scriosta

[7] Pranteia o vinho, enlanguesce a vide, e gemem todos os que estavam de coração alegre.

[7]Tá an fíon faoi bhrón, an fhíniúin ag meath, agus lucht an ghliondar croí ag osnaíl.

[8] Cessou o folguedo dos tamboris, acabou o ruído dos que exultam, e descansou a alegria da harpa.

[8]Tá deireadh le meadhar na mbodhrán, agus críoch le callán lucht gairdis; tá deireadh le meadhar na gcláirseach.

[9] Já não se bebe vinho entre canções; a bebida forte é amarga para os que a bebem.

[9]Ní ólann siad fíon níos mó agus iad ag ceol, agus is searbh leis na pótairí an bhiotáille.

[10] Demolida está a cidade caótica, todas as casas estão fechadas, ninguém já pode entrar.

[10]Tá cathair an neamhní ar lár, tá gach teach dúnta agus níl dul isteach iontu.

[11] Gritam por vinho nas ruas, fez-se noite para toda alegria, foi banido da terra o prazer.

[11]Táthar ag mairgneach sna sráideanna cheal fíona; tá deireadh leis an uile lúcháir, tá an t-áthas díbeartha ón tír.

[12] Na cidade, reina a desolação, e a porta está reduzida a ruínas.

[13] Porque será na terra, no meio destes povos, como o varejar da oliveira e como o rebuscar, quando está acabada a vindima.

A alegria dos justos

[14] Eles levantam a voz e cantam com alegria; por causa da glória do SENHOR, exultam desde o mar.

[15] Por isso, glorificai ao SENHOR no Oriente e, nas terras do mar, ao nome do SENHOR, Deus de Israel.

[16] Dos confins da terra ouvimos cantar: Glória ao Justo!

A ruína dos transgressores

Mas eu digo: definho, definho, ai de mim! Os pérfidos tratam perfidamente; sim, os pérfidos tratam mui perfidamente.

[17] Terror, cova e laço vêm sobre ti, ó morador da terra.

[18] E será que aquele que fugir da voz do terror cairá na cova, e, se sair da cova, o laço o prenderá; porque as represas do alto se abrem, e tremem os fundamentos da terra.

[19] A terra será de todo quebrantada, ela totalmente se romperá, a terra violentamente se moverá.

[12]Níl fágtha sa chathair ach léirscrios, tá an geata briste ina chonamar.

[13]Is amhlaidh sin a bheidh an talamh ar fad, i gcás na gciníocha uile, mar a bhíonn na crainn olóige nuair a chraitear an toradh astu, mar a bheadh deasca na fíniúna agus fómhar an fhíona déanta.

[14]Gáireann daoine amach in ard a gcinn, liúnn siad le barr áthais; canann siad mórgacht an Tiarna ó chois na farraige thiar.

[15]Sna hoileáin freisin táthar ag glóiriú an Tiarna, agus i gcríocha na farraige ainm an Tiarna, Dia Iosrael.

[16]Ó chríocha na cruinne cloisimid iad ag ceol: “Glóir don Fhíréan!” Ach deirimse: “Is leor, is leor sin! Drochrath ar lucht fill a dhéanann feall, ar lucht fill a dhéanann feall go fealltach!”

[17]Scéin agus clais agus gaiste is ea do chuid, a dhuine atá i do chónaí ar talamh!

[18]An té a theitheann ó thorann na scéine, titfidh sé sa chlais; má dhreapann sé aníos as an gclais, béarfar air sa ghaiste.

An Breithiúnas Fós

Óir tá fuinneoga na bhflaitheas ar leathadh, agus bunsraith na talún ar crith.

[19]Tá an talamh briste ina smionagar, tá an talamh á scoilteadh agus á scáineadh, tá an talamh ag crith agus ag creathnú.

[20] A terra cambaleará como um bêbado e balanceará como rede de dormir; a sua transgressão pesa sobre ela, ela cairá e jamais se levantará.

[21] Naquele dia, o SENHOR castigará, no céu, as hostes celestes, e os reis da terra, na terra.

[22] Serão ajuntados como presos em masmorra, e encerrados num cárcere, e castigados depois de muitos dias.

[23] A lua se envergonhará, e o sol se confundirá quando o SENHOR dos Exércitos reinar no monte Sião e em Jerusalém; perante os seus anciãos haverá glória.

Isaías 25

Cântico de louvor pela misericórdia divina

[1] Ó SENHOR, tu és o meu Deus; exaltar-te-ei a ti e louvarei o teu nome, porque tens feito maravilhas e tens executado os teus conselhos antigos, fiéis e verdadeiros.

[2] Porque da cidade fizeste um montão de pedras e da cidade forte, uma ruína; a fortaleza dos estranhos já não é cidade e jamais será reedificada.

[3] Pelo que povos fortes te glorificarão, e a cidade das nações opressoras te temerá.

[4] Porque foste a fortaleza do pobre e a fortaleza do necessitado na sua angústia; refúgio contra a tempestade e sombra

[20]Tá an talamh ag stangadh mar bheadh fear meisce ann, tá sé ag longadán mar bheadh scáthlán ann; is trom é an t-ualach air a chuid peacaí, titeann sé gan éirí i ndán dó.

[21]An lá sin, léasfaidh an Tiarna slua na spéire sa spéir, agus abhus ar talamh ríthe na talún.

[22]Baileofar i dtoll a chéile iad ar nós cimí i bpluais, caithfear isteach sa charcair iad agus i ndiaidh na mblianta fada gheobhaidh siad a bpionós.

[23]Beidh náire ar an ngealach, agus ceann faoi ar an ngrian, óir déanfar rí de Thiarna na Slua ar shliabh Shíón in Iarúsailéim agus foilseofar a ghlóir i láthair a sheanóirí.

Íseáia 25

Urnaí Altaithe

[1]A Thiarna, is tú mo Dhia; móraim thú agus ceiliúraim d'ainm; mar chuir tú do bheartaíocht iontach i gcrích, comhairle ar cinneadh uirthi fadó riamh, chuir go fíréanta agus go fírinneach.

[2]Óir d'fhág tú cathracha ina gcarnáin chloch agus bailte poirt ina gconamar. Ní baile é feasta dúnfort na ndíomasach, ní dhéanfar a atógáil arís go deo.

[3]Is uime sin a thugann an cine borb seo glóir duit; uime sin atá eagla ar chathracha na náisiún danartha romhat.

[4]Mar is tearmann thú don dearóil, tearmann don dealbh in am a ghátair; dídean ón stoirm agus scáth ón teas, mar

contra o calor; porque dos tiranos o bufo é como a tempestade contra o muro,

5 como o calor em lugar seco. Tu abaterás o ímpeto dos estranhos; como se abranda o calor pela sombra da espessa nuvem, assim o hino triunfal dos tiranos será aniquilado.

6 O SENHOR dos Exércitos dará neste monte a todos os povos um banquete de coisas gordurosas, uma festa com vinhos velhos, pratos gordurosos com tutanos e vinhos velhos bem clarificados.

7 Destruirá neste monte a coberta que envolve todos os povos e o véu que está posto sobre todas as nações.

8 Tragará a morte para sempre, e, assim, enxugará o SENHOR Deus as lágrimas de todos os rostos, e tirará de toda a terra o opróbrio do seu povo, porque o SENHOR falou.

9 Naquele dia, se dirá: Eis que este é o nosso Deus, em quem esperávamos, e ele nos salvará; este é o SENHOR, a quem aguardávamos; na sua salvação exultaremos e nos alegraremos.

10 Porque a mão do SENHOR descansará neste monte; mas Moabe será trilhado no seu lugar, como se pisa a palha na água da cova da esterqueira;

11 no meio disto estenderá ele as mãos, como as estende o nadador para nadar; mas o SENHOR lhe abaterá a altivez, não obstante a perícia das suas mãos;

is cosúil confa na mborb le doineann gheimhridh.

5Mar a bheadh spalladh triomaigh ar an bhfásach, ceansóidh tú gleo lucht an díomais; mar a mhúchtar an teas faoi scáth scamaill, cuirfear ceol na mborb ina thost.

Fleá Dheireadh Aimsire

6Ullmhóidh Tiarna na Slua ar an sliabh seo le haghaidh na gciníocha go léir cóisir saille, cóisir do rogha na bhfíonta, de smior na saille, de thogha agus de rogha na bhfíonta;

7agus tógfaidh sé ar shiúl an chaille bhróin a bhí ag clúdach na gciníocha go léir, agus an eisléine a bhí ag folach na náisiún uile;

8cuirfidh sé an bás ar ceal go deo. Triomóidh Dia na deora de na gnúiseanna go léir; tógfaidh sé an milleán dá phobal agus den domhan uile; óir is é an Tiarna a dúirt é.

9Déarfar an lá sin: “Breathnaígí, is é ár nDia é, a raibh muid ag dréim le slánú uaidh; is é an Tiarna é, a raibh muid ag dréim leis. Déanaimid gairdeas agus lúcháir mar gur shlánaigh sé sinn”;

10óir tá lámh an Tiarna ag lonnú ar an sliabh seo. Tá Móáb á shatailt síos ina áit féin, mar a shatlaítear cochán síos i gclais aoiligh;

11agus síneann sé amach a lámha ansin, mar a shíneann snámhadóir amach iad chun snámha. Ach tugann an Tiarna béim síos dá uabhar le gach bang dá ndéanann sé.

[12] e abaixará as altas fortalezas dos seus muros; abatê-las-á e derribá-las-á por terra, até ao pó.

Isaías 26

Cântico de confiança na proteção divina

[1] Naquele dia, se entoará este cântico na terra de Judá: Temos uma cidade forte; Deus lhe põe a salvação por muros e baluartes.

[2] Abri vós as portas, para que entre a nação justa, que guarda a fidelidade.

[3] Tu, SENHOR, conservarás em perfeita paz aquele cujo propósito é firme; porque ele confia em ti.

[4] Confiai no SENHOR perpetuamente, porque o SENHOR Deus é uma rocha eterna;

[5] porque ele abate os que habitam no alto, na cidade elevada; abate-a, humilha-a até à terra e até ao pó.

[6] O pé a pisará; os pés dos aflitos, e os passos dos pobres.

[7] A vereda do justo é plana; tu, que és justo, aplanas a vereda do justo.

[8] Também através dos teus juízos, SENHOR, te esperamos; no teu nome e na tua memória está o desejo da nossa alma.

[9] Com minha alma suspiro de noite por ti e, com o meu espírito dentro de mim, eu te procuro diligentemente; porque, quando os teus juízos reinam na terra, os moradores do mundo aprendem justiça.

[12]Do bhábhúin arda uaibhreacha scriosann sé iad, leagann sé iad, caitheann sé síos iad sa láib.

Íseáia 26

Duan Bua

[1]An lá sin, beidh an laoi seo á ceol ar thalamh Iúdá: “Tá baile daingean againn; leag sé amach bábhún agus forbhalla dár ndídean.

[2]Osclaígí na geataí! Isteach leis an bpobal fíréanta, an té a sheasann lena ghealltanas,

[3]atá bunúsach ó chroí, a choinníonn an tsíocháin, óir is asatsa atá a mhuinín.

[4]Bíodh bhur muinín as an Tiarna go deo, óir is é an Tiarna an charraig shíoraí;

[5]d'ísligh sé an dream a bhí ina gcónaí ar na harda, muintir an dúnfoirt daingin, leagann sé iad, leagann iad ar lár, caitheann sé síos iad sa láib;

[6]cosa na n-úiríseal agus na mbochtán, siúlann siad orthu ina gcoiscéim.”

Salm

[7]Is díreach bealach an fhíréin, réitíonn tú bóthar díreach don fhíréan.

[8]Is ea, ar bhealach do chuid breithiúnas tá muid ag fanacht ort, a Thiarna, is é d'ainm agus do chuimhne tnúthán ár n-anama.

[9]Bíonn m'anam ag dréim leat san oíche, agus mo spiorad do do lorg ionam féin istigh; nuair a fhoilsítear do bhreithiúnais ar talamh, foghlaimíonn muintir an domhain ceart agus cóir.

[10] Ainda que se mostre favor ao perverso, nem por isso aprende a justiça; até na terra da retidão ele comete a iniqüidade e não atenta para a majestade do SENHOR.

[11] SENHOR, a tua mão está levantada, mas nem por isso a vêem; porém verão o teu zelo pelo povo e se envergonharão; e o teu furor, por causa dos teus adversários, que os consuma.

[12] SENHOR, concede-nos a paz, porque todas as nossas obras tu as fazes por nós.

[13] Ó SENHOR, Deus nosso, outros senhores têm tido domínio sobre nós; mas graças a ti somente é que louvamos o teu nome.

[14] Mortos não tornarão a viver, sombras não ressuscitam; por isso, os castigaste, e destruíste, e lhes fizeste perecer toda a memória.

[15] Tu, SENHOR, aumentaste o povo, aumentaste o povo e tens sido glorificado; a todos os confins da terra dilataste.

[16] SENHOR, na angústia te buscaram; vindo sobre eles a tua correção, derramaram as suas orações.

[17] Como a mulher grávida, quando se lhe aproxima a hora de dar à luz, se contorce e dá gritos nas suas dores, assim fomos nós na tua presença, ó SENHOR!

[18] Concebemos nós e nos contorcemos em dores de parto, mas o que demos à luz foi vento; não trouxemos à terra livramento

[10]Má thugtar fabhraíocht don urchóideach, ní fhoghlaimíonn sé ionracas, i dtír na córa, déanann sé urchóid; ní fheiceann sé maorgacht an Tiarna.

[11]A Thiarna, tá do lámh tógtha in airde; ní fheiceann siad í. Feiceadh siad do dhúthracht i leith an phobail seo, is bíodh náire orthu; an tine a lasadh le haghaidh do naimhde, alpfaidh sí iad.

[12]A Thiarna, is tú a thugann síocháin dúinn, óir caitheann tú linn de réir mar tá tuillte againn.

[13]A Thiarna, a Dhia linn, bhí réim ag tiarnaí seachas tú féin orainn ach ní aithnímid ach tusa feasta, ní aithnímid ach d'ainmse amháin.

[14]Marbh atá siad siúd, agus níl saol i ndán dóibh arís. Scáilí is ea iad, ní éireoidh siad níos mó, mar tá siad smachtaithe scriosta agat agus tá a gcuimhne curtha ar ceal.

[15]Méadaigh do phobal, a Thiarna, méadaigh é; tabhair glóir don phobal, cuir fairsinge le críocha na tíre go léir!

[16]A Thiarna, san anbhroid dúinn tá muid do do lorg; anacair agus ansmacht, ba iad siúd do phionós orainn.

[17]Mar bhean ag iompar, ag lúbarnach is ag screadach i dtinneas clainne, is amhlaidh dúinn féin, a Thiarna, os do chomhair;

[18]ghabh muid gin, tá muid i bpriacal mar bheimis ag saolú; ach níor thug muid spiorad an tslánaithe ar an saol, níl

algum, e não nasceram moradores do mundo.

áitritheoirí á mbreith don domhan níos mó.

[19] Os vossos mortos e também o meu cadáver viverão e ressuscitarão; despertai e exultai, os que habitais no pó, porque o teu orvalho, ó Deus, será como o orvalho de vida, e a terra dará à luz os seus mortos.

[19]Beidh saol ag do chuid marbhánach arís, éireoidh a gcoirp as an nua; músclaígí, déanaigí gairdeas, sibhse uile atá sínte sa láib; óir is geal é mar dhrúcht do dhrúchtsa, agus tiocfaidh sliocht ar thír na scáth.

Freagra an Tiarna

[20] Vai, pois, povo meu, entra nos teus quartos e fecha as tuas portas sobre ti; esconde-te só por um momento, até que passe a ira.

[20]Imigh, a phobal liom, gabh isteach i do sheomraí agus dún na doirse i do dhiaidh. Gabh i bhfolach seal nóiméid go dtí go dté an fhearg thart.

[21] Pois eis que o SENHOR sai do seu lugar, para castigar a iniqüidade dos moradores da terra; a terra descobrirá o sangue que embebeu e já não encobrirá aqueles que foram mortos.

[21]Óir féach, tá an Tiarna ag teacht as a áras amach chun a n-urchóid a aifirt ar mhuintir an domhain go léir. Tá an talamh chun an fhuil a doirteadh air a aiseag, agus ní choinneoidh sé a chuid marbh faoi chlúdach níos mó.

Isaías 27

Deus ama ao seu povo e o salva

[1] Naquele dia, o SENHOR castigará com a sua dura espada, grande e forte, o dragão, serpente veloz, e o dragão, serpente sinuosa, e matará o monstro que está no mar.

Íseáia 27

[1]An lá sin, smachtóidh an Tiarna lena chlaíomh crua, lena chlaíomh mór laidir, Leiviatan, an nathair éalaitheach, Leiviatan, an nathair lúbarnach: maróidh sé dragan na farraige.

Fíniúin an Tiarna

[2] Naquele dia, dirá o SENHOR: Cantai a vinha deliciosa!

[2]An lá sin, canaigí an fíonghort taitneamhach!

[3] Eu, o SENHOR, a vigio e a cada momento a regarei; para que ninguém lhe faça dano, de noite e de dia eu cuidarei dela.

[3]Mise, an Tiarna, atá i mo chaomhnóir air; bím de shíor ag coinneáil uisce leis ar eagla go dtitfeadh a dhuilliúr; de lá agus d'oíche bím á chaomhnú.

[4] Não há indignação em mim. Quem me dera espinheiros e abrolhos diante de

[4]Fearg níl orm a thuilleadh! Fiú má bhíonn sceacha agus driseacha ann, cuirfidh mé cogadh orthu, dófaidh mé iad go léir!

mim! Em guerra, eu iria contra eles e juntamente os queimaria.

5 Ou que homens se apoderem da minha força e façam paz comigo; sim, que façam paz comigo.

5Sin nó cead acu dul ar mo choimirce agus síocháin a dhéanamh liom. Is mairg nach ndéanann siad síocháin liom!

Trócaire agus Pionós

6 Dias virão em que Jacó lançará raízes, florescerá e brotará Israel, e encherão de fruto o mundo.

6Sna laethe atá le teacht cuirfidh Iacób péacáin amach, tiocfaidh bláth agus toradh ar Iosrael; líonfaidh sé aghaidh na talún le torthaí.

7 Porventura, feriu o SENHOR a Israel como àqueles que o feriram? Ou o matou, assim como àqueles que o mataram?

7An é gur leadhb Dia é mar a leadhb sé lucht a leadhbtha? Ar bhásaigh é mar a bhásaigh sé lucht a bhásaithe?

8 Com xô!, xô! e exílio o trataste; com forte sopro o expulsaste no dia do vento oriental.

8Chuir tú smacht air, á thiomáint amach agus á dhíbirt; chuir sé an ruaig air lena anáil bhorb, mar bheadh an ghaoth anoir ann.

9 Portanto, com isto será expiada a culpa de Jacó, e este é todo o fruto do perdão do seu pecado: quando o SENHOR fizer a todas as pedras do altar como pedras de cal feitas em pedaços, não ficarão em pé os postes-ídolos e os altares do incenso.

9Is amhlaidh sin a dhéantar leorghníomh in urchóid Iacóib agus seo é an luach a ghlanfaidh a pheaca: go gcaitheann sé le clocha na n-altóirí go léir mar a chaithfeadh leis an chloch aoil a mheiltear. Cuaillí beannaithe ná galláin na gréine ní fhágfar ina seasamh

10 Porque a cidade fortificada está solitária, habitação desamparada e abandonada como um deserto; ali pastam os bezerros, deitam-se e devoram os seus ramos.

10óir tá an chathair dhaingean ina fásach, tá sí tréigthe dearóil mar bheadh díthreabh ann. Is ann a thagann an tréad ag iníor, is ann a luíonn siad fúthu agus a chrinneann na craobhacha.

11 Quando os seus ramos se secam, são quebrados. Então, vêm as mulheres e lhes deitam fogo, porque este povo não é povo de entendimento; por isso, aquele que o fez não se compadecerá dele, e aquele que o formou não lhe perdoará.

11Tá na géaga críon, sa chaoi go scoitear iad; tagann mná agus lasann siad an tine leo. Óir is pobal é seo atá gan tuiscint, mar sin, an té a chruthaigh iad, níl trua aige dóibh; an té a dhealbhaigh iad, ní thaispeánann fabhar dóibh.

Fáistine

[12] Naquele dia, em que o SENHOR debulhará o seu cereal desde o Eufrates até ao ribeiro do Egito; e vós, ó filhos de Israel, sereis colhidos um a um.
[13] Naquele dia, se tocará uma grande trombeta, e os que andavam perdidos pela terra da Assíria e os que forem desterrados para a terra do Egito tornarão a vir e adorarão ao SENHOR no monte santo em Jerusalém.

Isaías 28

Será castigada a impenitência de Efraim

[1] Ai da soberba coroa dos bêbados de Efraim e da flor caduca da sua gloriosa formosura que está sobre a parte alta do fertilíssimo vale dos vencidos do vinho!

[2] Eis que o SENHOR tem certo homem valente e poderoso; este, como uma queda de saraiva, como uma tormenta de destruição e como uma tempestade de impetuosas águas que transbordam, com poder as derribará por terra.
[3] A soberba coroa dos bêbados de Efraim será pisada aos pés.
[4] A flor caduca da sua gloriosa formosura, que está sobre a parte alta do fertilíssimo vale, será como o figo prematuro, que amadurece antes do verão, o qual, em pondo nele alguém os olhos, mal o apanha, já o devora.

[12]An lá sin, déanfaidh an Tiarna an grán a bhualadh ó shruth na hAbhann go caise na hÉigipte, agus baileofar sibh aon ar aon, a chlann Iosrael.
[13]An lá sin, séidfear an stoc mór agus tiocfaidh siad siúd a bhí caillte i dtír na hAsaíre agus iad siad a díbríodh go críocha na hÉigipte, agus adhrfaidh siad an Tiarna ar an sliabh beannaithe in Iarúsailéim.

Íseáia 28

Dánta i dTaobh Iosrael agus Iúdá
Foláireamh faoi choinne na Samáire

[1]Is mairg don choróin dhíomasach úd ag pótairí Eafráim, do bhláth feoite a háilleachta agus a huabhair, agus í in airde os cionn an ghleanna mhéith; is mairg don dream sin agus iad dallta le fíon!
[2]Féach, seo chugainn duine cumhachtach tréan ón Tiarna, mar bheadh siabadh clocha sneachta ann, mar bheadh stoirm dhíobhálach, mar bheadh díle d'uiscí tréana ag cur thar bruach; agus caithfidh sé síos lena láimh iad ar lár.
[3]Satlófar faoi chosa iad, coróin dhíomasach sin phótairí Eafráim
[4]agus bláth feoite a háilleachta agus a huabhair, in airde mar atá siad os cionn an ghleanna mhéith. Mar bheadh fige luath i dtús an tsamhraidh: an té a fheiceann é, stoitheann é agus ní luaithe ina láimh é ná tá sé slogtha aige.

[5] Naquele dia, o SENHOR dos Exércitos será a coroa de glória e o formoso diadema para os restantes de seu povo;

[6] será o espírito de justiça para o que se assenta a julgar e fortaleza para os que fazem recuar o assalto contra as portas.

Contra os habitantes de Jerusalém

[7] Mas também estes cambaleiam por causa do vinho e não podem ter-se em pé por causa da bebida forte; o sacerdote e o profeta cambaleiam por causa da bebida forte, são vencidos pelo vinho, não podem ter-se em pé por causa da bebida forte; erram na visão, tropeçam no juízo.

[8] Porque todas as mesas estão cheias de vômitos, e não há lugar sem imundícia.

[9] A quem, pois, se ensinaria o conhecimento? E a quem se daria a entender o que se ouviu? Acaso, aos desmamados e aos que foram afastados dos seios maternos?

[10] Porque é preceito sobre preceito, preceito e mais preceito; regra sobre regra, regra e mais regra; um pouco aqui, um pouco ali.

[11] Pelo que por lábios gaguejantes e por língua estranha falará o SENHOR a este povo,

[12] ao qual ele disse: Este é o descanso, dai descanso ao cansado; e este é o refrigério; mas não quiseram ouvir.

[13] Assim, pois, a palavra do SENHOR lhes será preceito sobre preceito, preceito e

[5]An lá sin, coróin ghlóire a bheidh i dTiarna na Slua, mionn ríoga álainn i gcomhair fuílleach a phobail;

[6]anáil an chirt a bheidh ann faoin té atá i gcathaoir an bhreithiúnais, agus anáil na calmachta faoi lucht ruaigthe an namhad ón ngeata.

In Éadan na Sagart agus na Saobhfháithe

[7]Tá siad siúd ag stangaireacht faoi oibriú an fhíona, tá siad ar seachrán ag an bpóit. Tá meadhrán sna sagairt agus sna fáithe le barr dí, tá mearbhall orthu le fíon; tá siad ar seachrán ag an bpóit, tá siad ag stangaireacht agus ag aislingíocht, tá siad ag tuisliú agus iad ag tabhairt a mbreithiúnas.

[8]Óir tá na boird go léir clúdaithe le horla, oiread agus ball glan amháin níl le fáil.

[9]"Cé atá sé ag iarraidh a chur ar an eolas, an fáidh seo? Cé dhó ab áil leis a shoiscéalaíocht a mhíniú? Do pháistí, an ea, nua-choiscthe ón mbainne, do leanaí atá á mbaint den chíoch?

[10]Níl aige ach: 'Reacht i ndiaidh reachta, reacht i ndiaidh reachta, ceacht i ndiaidh ceachta, ceacht i ndiaidh ceachta, breis bheag anseo, breis bheag ansiúd.' "

[11]Is ea cinnte, is le beola stadacha agus i dteanga eachtrannach atá sé ag dul a labhairt leis an bpobal seo,

[12]pobal ar dhúirt sé leo uair: "Seo scíth daoibh! Tabhair scíth don duine tuirseach! Is é seo an suaimhneas!" - Ach níorbh áil leo éisteacht.

[13]Agus sin é an fáth gur mar seo atá an Tiarna ag labhairt leo: "Reacht i ndiaidh

mais preceito; regra sobre regra, regra e mais regra; um pouco aqui, um pouco ali; para que vão, e caiam para trás, e se quebrantem, se enlacem, e sejam presos.

reachta, reacht i ndiaidh reachta, ceacht i ndiaidh ceachta, ceacht i ndiaidh ceachta, breis bheag anseo, breis bheag ansiúd," sa chaoi go dtitfidh siad i ndiaidh a gcúil as a gcoiscéim, go mbrisfear iad, agus go sáinneofar agus go ngabhfar.

In Éadan Lucht Droch-Chomhairle

[14] Ouvi, pois, a palavra do SENHOR, homens escarnecedores, que dominais este povo que está em Jerusalém.

[14]Éistigí le briathar an Tiarna, a lucht na hábhachta, atá ag rialú an phobail seo in Iarúsailéim!

[15] Porquanto dizeis: Fizemos aliança com a morte e com o além fizemos acordo; quando passar o dilúvio do açoite, não chegará a nós, porque, por nosso refúgio, temos a mentira e debaixo da falsidade nos temos escondido.

[15]Deir sibh: "Tá conradh déanta againn leis an mBás, agus le Seól tá muid tagtha ar réiteach. Rabharta an aimhlis, nuair a thiocfaidh sé thart, ní shroichfidh sé fad linne; mar tá dídean faighte againn sa bhréag, agus sa chealg fuaireamar foscadh."

Fáistine

[16] Portanto, assim diz o SENHOR Deus: Eis que eu assentei em Sião uma pedra, pedra já provada, pedra preciosa, angular, solidamente assentada; aquele que crer não foge.

[16]Is uime sin a labhraíonn an Tiarna Dia mar seo: "Féach, tá cloch á leagan agam i Síón, cloch dhearfa, cloch choirnéil luachmhar, cloch bhoinn: an té a bhfuil creideamh aige, ní chlisfidh sé.

[17]Agus is í an chóir a bheas ina dorú ingir agam agus an fhíréantacht mar leibhéal agus mé á leagan. Ach scuabfaidh an clochshneachta dídean na mbréag leis agus cartfaidh na huiscí bhur bhfoscadh chun siúil";

[17] Farei do juízo a régua e da justiça, o prumo; a saraiva varrerá o refúgio da mentira, e as águas arrastarão o esconderijo.

[18] A vossa aliança com a morte será anulada, e o vosso acordo com o além não subsistirá; e, quando o dilúvio do açoite passar, sereis esmagados por ele.

[18]brisfear bhur gconradh leis an mBás, agus bhur réiteach le Seól ní sheasfaidh. Nuair a thagann rabharta an aimhlis, brúfaidh sé síos lena thoirt sibh;

[19] Todas as vezes que passar, vos arrebatará, porque passará manhã após

[19]gach uair a dtagann, sroichfidh sé sibh. Maidin in aghaidh na maidne tiocfaidh sé ar a chuairt, tiocfaidh de lá agus d'oíche;

manhã, e todos os dias, e todas as noites; e será puro terror o só ouvir tal notícia.

[20] Porque a cama será tão curta, que ninguém se poderá estender nela; e o cobertor, tão estreito, que ninguém se poderá cobrir com ele.

[21] Porque o SENHOR se levantará, como no monte Perazim, e se irará, como no vale de Gibeão, para realizar a sua obra, a sua obra estranha, e para executar o seu ato, o seu ato inaudito.

[22] Agora, pois, não mais escarneçais, para que os vossos grilhões não se façam mais fortes; porque já do SENHOR, o SENHOR dos Exércitos, ouvi falar de uma destruição, e essa já está determinada sobre toda a terra.

Deus é grande em sabedoria

[23] Inclinai os ouvidos e ouvi a minha voz; atendei bem e ouvi o meu discurso.

[24] Porventura, lavra todo dia o lavrador, para semear? Ou todo dia sulca a sua terra e a esterroa?

[25] Porventura, quando já tem nivelado a superfície, não lhe espalha o endro, não semeia o cominho, não lança nela o trigo em leiras, ou cevada, no devido lugar, ou a espelta, na margem?

[26] Pois o seu Deus assim o instrui devidamente e o ensina.

[27] Porque o endro não se trilha com instrumento de trilhar, nem sobre o cominho se passa roda de carro; mas com

agus cúis scéine a bheidh ann a scéal a scaoileadh.

[20]Beidh an leaba róghairid le síneadh uirthi, agus an clúdach róchaol chun tú féin a shoipriú ann.

[21]Is ea, éireoidh an Tiarna mar a d'éirigh sé ar shliabh Parazaím; tiocfaidh riastradh air mar a tháinig i ngleann Ghibeón chun a ghníomh a chur i gcrích - agus is ait an gníomh é! - chun a shaothar a shaothrú - agus is aduain an saothar sin!

[22]Dá bhrí sin, scoirigí den ábhacht, ar eagla go dteannfaí bhur gcuibhreacha oraibh; óir chuala mé anois scrios na tíre go hiomlán á fhógairt thar ceann an Tiarna Dia na Slua.

Parabal an Fheirmeora

[23]Tugaigí cluas agus éistigí le mo ghlór, bígí aireach agus tugaigí libh a bhfuil á rá agam.

[24]An é nach ndéanann an treabhdóir dada seachas treabhadh, seachas an talamh a bhriseadh agus a fhuirseadh?

[25]An amhlaidh, nuair a bhíonn sé cothrom aige, nach gcraitheann sé lus mín air, nach gcuireann sé coimín, agus cruithneacht agus eorna ina dhiaidh sin, agus an spealt ar an imeall amuigh?

[26]An té a mhúineann an riail sin dó, is é a Dhia é atá á theagasc.

[27]Agus ar ndóigh, ní bhuailtear an lus mín le carr sleamhnáin, ná coimín le roth cairte; ach buailtear an lus mín le slat agus coimín le súiste.

vara se sacode o endro, e o cominho, com pau.

28 Acaso, é esmiuçado o cereal? Não; o lavrador nem sempre o está debulhando, nem sempre está fazendo passar por cima dele a roda do seu carro e os seus cavalos.

29 Também isso procede do SENHOR dos Exércitos; ele é maravilhoso em conselho e grande em sabedoria.

28Ná ní dhéantar arbhar an aráin a bhrú go hiomlán; an té a thiomáineann rothaí na cairte air, buaileann sé amach é, ach ní dhéanann sé a bhrú.

29Ó Thiarna na Slua an méid sin freisin; is iontach é le haghaidh comhairle agus is cumasach a chríonnacht.

Isaías 29

Jerusalém e seus inimigos

1 Ai da Lareira de Deus, cidade-lareira de Deus, em que Davi assentou o seu arraial! Acrescentai ano a ano, deixai as festas que completem o seu ciclo;

2 então, porei a Lareira de Deus em aperto, e haverá pranto e lamentação; e ela será para mim verdadeira Lareira de Deus.

3 Acamparei ao derredor de ti, cercar-te-ei com baluartes e levantarei tranqueiras contra ti.

4 Então, lançada por terra, do chão falarás, e do pó sairá afogada a tua fala; subirá da terra a tua voz como a de um fantasma; como um cochicho, a tua fala, desde o pó.

5 Mas a multidão dos teus inimigos será como o pó miúdo, e a multidão dos tiranos, como a palha que voa; dar-se-á isto, de repente, num instante.

6 Do SENHOR dos Exércitos vem o castigo com trovões, com terremotos, grande

Íseáia 29

Dán ar Iarúsailéim, dar Leasainm Airéal

1Och, a Airéal, a Airéal, a chathair ba longfort do Dháiví. Cuir bliain i gceann bliana, tagadh na féilte thart ina gcúrsa;

2ansin cuirfidh mé Airéal i ngéibheann, beidh éagaoin ann agus éagnach. Beidh tú i d'Airéal agam go dearfa, i do thóiteán tine;

3suífidh mé campa i do choinne mar a rinne Dáiví, cuirfidh mé túir léigir thart timpeall ort, tógfaidh mé claíocha léigir i d'éadan.

4Beidh tú leagtha ar lár - do ghlór ag labhairt ón talamh agus do chaint ag teacht go húiríseal ón láib. Tiocfaidh do ghlór as an talamh aníos mar bheadh glór taibhse ann, agus do chaint as an láib ina gíogarnach.

5Ar nós deannach mín a bheidh slua do naimhde ansin agus mar lóchán á shiabadh le gaoth an slua danartha. Agus go tobann, gan choinne,

6beidh cuairt agat ó Thiarna na Slua, le toirneach, le torann agus le fuaim

estrondo, tufão de vento, tempestade e chamas devoradoras.

[7] Como sonho e visão noturna será a multidão de todas as nações que hão de pelejar contra a Lareira de Deus, como também todos os que pelejarem contra ela e contra os seus baluartes e a puserem em aperto.

[8] Será também como o faminto que sonha que está a comer, mas, acordando, sente-se vazio; ou como o sequioso que sonha que está a beber, mas, acordando, sente-se desfalecido e sedento; assim será toda a multidão das nações que pelejarem contra o monte Sião.

A cegueira espiritual e a hipocrisia do povo

[9] Estatelai-vos e ficai estatelados, cegai-vos e permanecei cegos; bêbados estão, mas não de vinho; andam cambaleando, mas não de bebida forte.

[10] Porque o SENHOR derramou sobre vós o espírito de profundo sono, e fechou os vossos olhos, que são os profetas, e vendou a vossa cabeça, que são os videntes.

[11] Toda visão já se vos tornou como as palavras de um livro selado, que se dá ao que sabe ler, dizendo: Lê isto, peço-te; e ele responde: Não posso, porque está selado;

[12] e dá-se o livro ao que não sabe ler, dizendo: Lê isto, peço-te; e ele responde: Não sei ler.

[13] O SENHOR disse: Visto que este povo se aproxima de mim e com a sua boca e com

ollmhór, le doineann agus le hanfa agus lasair de thine loiscneach

[7]Mar bhrionglóid agus mar fhís de chuid na hoíche do shluaite na gciníocha agus iad ag cur cogaidh ar Airéal.

[8]Amhail duine ocrach a dhéanann brionglóid go bhfuil sé ag ithe, músclaíonn sé agus a bholg folamh; nó duine tartmhar ag brionglóideach go bhfuil sé ag ól, músclaíonn sé go fannlag agus é spallta; is amhlaidh a bheidh le sluaite na gciníocha a chuireann comhrac ar shliabh Shíón.

[9]Bígí bómánta agus dobhránta, bígí dall agus caoch; bígí ar meisce, ach ní le fíon, ag tuisliú, ach ní le tréan póite.

[10]Óir tá an Tiarna tar éis toirchim suain a dhoirteadh sa mhullach oraibh; thug sé dúnadh ar bhur súile, na fáithe, agus chuir sé dallóg ar bhur gceann, an lucht físe.

An Foilsiú ina Rún

[11]Tá fís agus fáistine mar bheadh na focail i leabhar séalaithe agaibh anois. Tabhair a leithéid sin de leabhar do dhuine a bhfuil léamh aige agus abair leis: “Léigh sin.” Is é a fhreagraíonn sé: “Ní féidir liom, mar tá an leabhar faoi shéala.”

[12]Nó tabhair an leabhar do dhuine nach bhfuil léamh aige agus abair leis: “Léigh sin.” Is é a fhreagra: “Níl léamh agam.”

Fáistine

[13]Deir an Tiarna: “De bharr nach dtaobhaíonn an pobal seo mé ach ina

os seus lábios me honra, mas o seu coração está longe de mim, e o seu temor para comigo consiste só em mandamentos de homens, que maquinalmente aprendeu,

gcaint, agus nach dtugann onóir dom ach ó bheola, san áit gur fada uaim atá a gcroí agus nach bhfuil ina gcráifeacht ach aitheanta daonna atá de ghlanmheabhair acu,

[14] continuarei a fazer obra maravilhosa no meio deste povo; sim, obra maravilhosa e um portento; de maneira que a sabedoria dos seus sábios perecerá, e a prudência dos seus prudentes se esconderá.

[14]mar sin féach, seo arís mé i gcionn éachta leo, éacht i ndiaidh éachta agus eachtra. Cuirfear eagna a lucht eagna ar ceal, tiocfaidh claochló ar éirim a lucht éirime."

[15] Ai dos que escondem profundamente o seu propósito do SENHOR, e as suas próprias obras fazem às escuras, e dizem: Quem nos vê? Quem nos conhece?

In Éadan lucht Droch-Chomhairle

[15]Is mairg dóibh siúd a théann i bhfolach go domhain d'fhonn a seifteanna a cheilt ar an Tiarna, ag beartú a gcealga sa dorchadas agus á rá: "Cé fheiceann sinn ná cé aithníonn sinn?"

[16] Que perversidade a vossa! Como se o oleiro fosse igual ao barro, e a obra dissesse do seu artífice: Ele não me fez; e a coisa feita dissesse do seu oleiro: Ele nada sabe.

[16]Bunoscionn atá cúrsaí agaibh! An ionann an criadóir agus a chuid cré? An féidir don déantús a rá faoi fhear a dhéanta: "Ní dá dhéanamh siúd mise"? nó don bpota a rá faoin bpotaire: "Níl ceird ar bith aige"?

A redenção de Israel

[17] Porventura, dentro em pouco não se converterá o Líbano em pomar, e o pomar não será tido por bosque?

[17]Achar gairid fós, agus is gairid é, go mbeidh an Liobáin ag tiontú ar ais ina ghairdín, agus gairdín a áireofar ina choill ar a bhoirbe fáis.

[18] Naquele dia, os surdos ouvirão as palavras do livro, e os cegos, livres já da escuridão e das trevas, as verão.

[18]An lá sin, beidh na focail le clos ag bodhair agus leabhar á léamh, agus as lár an dúcháin agus an dorchadais tiocfaidh radharc i súile na ndall.

[19] Os mansos terão regozijo sobre regozijo no SENHOR, e os pobres entre os homens se alegrarão no Santo de Israel.

[19]Beidh gairdeas ar na dearóile as an Tiarna arís, agus aoibhneas ar dhaoine bochta as Neach Naofa Iosrael,

[20] Pois o tirano é reduzido a nada, o escarnecedor já não existe, e já se acham eliminados todos os que cogitam da iniqüidade,
[21] os quais por causa de uma palavra condenam um homem, os que põem armadilhas ao que repreende na porta, e os que sem motivo negam ao justo o seu direito.

[22] Portanto, acerca da casa de Jacó, assim diz o SENHOR, que remiu a Abraão: Jacó já não será envergonhado, nem mais se empalidecerá o seu rosto.

[23] Mas, quando ele e seus filhos virem a obra das minhas mãos no meio deles, santificarão o meu nome; sim, santificarão o Santo de Jacó e temerão o Deus de Israel.
[24] E os que erram de espírito virão a ter entendimento, e os murmuradores hão de aceitar instrução.

Isaías 30

Contra a aliança com o Egito

[1] Ai dos filhos rebeldes, diz o SENHOR, que executam planos que não procedem de mim e fazem aliança sem a minha aprovação, para acrescentarem pecado sobre pecado!

[2] Que descem ao Egito sem me consultar, buscando refúgio em Faraó e abrigo, à sombra do Egito!

[20]mar ní ann don aintiarna níos mó, tá críoch le fear na fonóide, agus tá lucht drochfhuadair á ndísciú go léir:

[21]an dream seo a chiontaíonn duine le focal, a chuireann gaiste i mbealach an bhreithiúin sa gheata, a chuireann cúis chóir ó mhaith le fianaise bhréige.

[22]Dá thairbhe sin, is mar seo a labhraíonn an Tiarna, Dia theaghlach Iacóib, an té a rinne Abrahám a fhuascailt: “Ní bheidh náire ar Iacób feasta, ní bheidh sé bán san aghaidh níos mó,

[23]óir feicfidh sé saothar mo lámh ina láthair agus déanfaidh sé m'ainmse a naomhú. Beidh Neach Naofa Iacóib á naomhú, beidh eagla roimh Dhia Iosrael.

[24]Tiocfaidh lucht an mhearbhall intinne chun tuisceana, agus rachaidh lucht manráin le foghlaim.”

Íseáia 30

In Éadan na hAmbasáide chun na hÉigipte

[1]Is mairg do chlann na ceannairce! - briathar an Tiarna é seo. Tá beart á chur i bhfeidhm acu nach liomsa é, ag snaidhmeadh páirtíochta nár shéid m'anáilse fúithi, ionas go bhfuil cion sa mhullach ar chion á charnadh acu.
[2]Tá siad bailithe leo ag tarraingt ar an Éigipt, gan comhairle a iarraidh ó mo bhéal, ag lorg dídine faoi dhídean Fhorainn agus foscadh ar scáth na hÉigipte.

[3] Mas o refúgio de Faraó se vos tornará em vergonha, e o abrigo na sombra do Egito, em confusão.

[4] Porque os príncipes de Judá já estão em Zoã, e os seus embaixadores já chegaram a Hanes.

[5] Todos se envergonharão de um povo que de nada lhes valerá, não servirá nem de ajuda nem de proveito, porém de vergonha e de opróbrio.

[6] Sentença contra a Besta do Sul. Através da terra da aflição e angústia de onde vêm a leoa, o leão, a víbora e a serpente volante, levam a lombos de jumento as suas riquezas e sobre as corcovas de camelos, os seus tesouros, a um povo que de nada lhes aproveitará.

[7] Pois, quanto ao Egito, vão e inútil é o seu auxílio; por isso, lhe chamei Gabarola que nada faz.

[8] Vai, pois, escreve isso numa tabuinha perante eles, escreve-o num livro, para que fique registrado para os dias vindouros, para sempre, perpetuamente.

[9] Porque povo rebelde é este, filhos mentirosos, filhos que não querem ouvir a lei do SENHOR.

[10] Eles dizem aos videntes: Não tenhais visões; e aos profetas: Não profetizeis para nós o que é reto; dizei-nos coisas aprazíveis, profetizai-nos ilusões;

[3]Ina hábhar náire agaibh a bheidh an dídean sin Fhorainn, foscadh scáth na hÉigipte ina chúis mearbhaill daoibh;

[4]cé go bhfuil a thaoisigh tar éis teacht go Zoan, agus a theachtairí imithe fhad le Hánaes.

[5]Tá féiríní ar iompar acu siúd uile chuig pobal nach fearrde iad é, nach dtabharfaidh cabhair ná cúnamh dóibh ach náire agus masla.

Fáistine Eile

[6]Fáistine dar teideal: Ainmhithe na Tíre Theas. Trí dhúiche an anró agus na hanbhuaine is fearann don leon baineann, do leon na búiríola, don nathair nimhe agus don dragan eiteogach, a saibhreas ar dhroim asal acu, a dtaiscí ar chruit chamall acu, agus iad á n-iompar chuig pobal nach fearrde iad é.

[7]Óir tá cabhair na hÉigipte díomhaoin agus baoth; is é sin an fáth a dtugaim mar ainm uirthi: Ráhab na leisce.

Tiomna

[8]Imigh anois, gearr ar tháibléad an méid seo, scríobh ar scrolla é, chun go mbeidh sé san am atá le teacht ina fhianaise bhuan:

[9]Is pobal míréireach iad seo, is clann bhréagach, clann nach áil leo éisteacht le reacht an Tiarna.

[10]Deir siad le lucht físe: “Ná bíodh físeanna agaibh”, agus leis na fáithe: “Ná tuaraigí an ceart dúinn”. “Déanaigí plámas linn, bíodh físeanna mealltacha agaibh dúinn;

[11] desviai-vos do caminho, apartai-vos da vereda; não nos faleis mais do Santo de Israel.

[12] Pelo que assim diz o Santo de Israel: Visto que rejeitais esta palavra, confiais na opressão e na perversidade e sobre isso vos estribais,

[13] portanto, esta maldade vos será como a brecha de um muro alto, que, formando uma barriga, está prestes a cair, e cuja queda vem de repente, num momento.

[14] O SENHOR o quebrará como se quebra o vaso do oleiro, despedaçando-o sem nada lhe poupar; não se achará entre os seus cacos um que sirva para tomar fogo da lareira ou tirar água da poça.

[15] Porque assim diz o SENHOR Deus, o Santo de Israel: Em vos converterdes e em sossegardes, está a vossa salvação; na tranqüilidade e na confiança, a vossa força, mas não o quisestes.

[16] Antes, dizeis: Não, sobre cavalos fugiremos; portanto, fugireis; e: Sobre cavalos ligeiros cavalgaremos; sim, ligeiros serão os vossos perseguidores.

[17] Mil homens fugirão pela ameaça de apenas um; pela ameaça de cinco, todos vós fugireis, até que sejais deixados como o mastro no cimo do monte e como o estandarte no outeiro.

Promessas consoladoras para Sião

[11]fágaigí an bealach, casaigí i leataobh ón tslí; as ár radharc leis mar Neach Naofa Iosrael."

[12]Ar an ábhar sin a deir Neach Naofa Iosrael: "De bhrí gur beag libh an rabhadh seo, agus go bhfuil bhur muinín sa chamastaíl agus san fheall, agus gurb iad is crann taca agaibh,

[13]léireofar daoibh an cion seo a bheith mar a bheadh balla ard agus gág anuas ann, bolg amach air agus é i ríocht titim, a dtagann maidhm air go tobann, i seal faiteadh súl,

[14]a bhriseann ar nós soitheach potaire á smísteáil síos gan trua gan taise, - ionas nach bhfuil le fáil sa chonamar oiread agus sligín a chorródh an tine ar an teallach nó a thaoscfadh uisce as an sistéal."

[15]Óir is mar seo a labhraíonn an Tiarna Dia, Neach Naofa Iosrael: San iompú croí agus sa chiúnas a bhí an slánú i ndán daoibh, sa suaimhneas agus sa mhuinín a bhí bhur neart, ach níorbh áil libh."

[16]Dúirt sibh: "Ní amhlaidh! Teithfimid ar muin chapaill!" Go deimhin féin, is ag teitheadh a bheidh sibh! "I gcarbaid mheara a theithfimid!" Maith go leor! Is mear mar a rachfar sa tóir oraibh!

[17]Teithfidh míle, agus gan ach duine aonair ag bagairt, bagairt ó chúigear agus teithfidh deich míle, go dtí nach mbeidh fágtha díbh ach mar bheadh cuaille ar bharr cnocáin, mar bheadh comhartha ar mhullach sléibhe.

[18] Por isso, o SENHOR espera, para ter misericórdia de vós, e se detém, para se compadecer de vós, porque o SENHOR é Deus de justiça; bem-aventurados todos os que nele esperam.

[19] Porque o povo habitará em Sião, em Jerusalém; tu não chorarás mais; certamente, se compadecerá de ti, à voz do teu clamor, e, ouvindo-a, te responderá.

[20] Embora o SENHOR vos dê pão de angústia e água de aflição, contudo, não se esconderão mais os teus mestres; os teus olhos verão os teus mestres.

[21] Quando te desviares para a direita e quando te desviares para a esquerda, os teus ouvidos ouvirão atrás de ti uma palavra, dizendo: Este é o caminho, andai por ele.

[22] E terás por contaminados a prata que recobre as imagens esculpidas e o ouro que reveste as tuas imagens de fundição; lançá-las-ás fora como coisa imunda e a cada uma dirás: Fora daqui!

[23] Então, o SENHOR te dará chuva sobre a tua semente, com que semeares a terra, como também pão como produto da terra, o qual será farto e nutritivo; naquele dia, o teu gado pastará em lugares espaçosos.

[24] Os bois e os jumentos que lavram a terra comerão forragem com sal, alimpada com pá e forquilha.

[18]Ach tá an Tiarna ag fanacht le hionú an mhaithiúnais, is ar an ábhar sin a éiríonn sé agus a ghlacann trua daoibh; óir Dia cóir is ea an Tiarna, is méanar don dream a bhfuil a súil leis.

An Rathúnas le Teacht

[19]Sea, a phobal Shíón, a bhfuil cónaí ort in Iarúsailéim, ní bheidh tú ag gol níos mó. Maithfidh sé duit ar chloisteáil do chaoineadh dó, agus tabharfaidh sé toradh air ar an toirt.

[20]Cé go dtugann an Tiarna duit arán na hanbhuaine agus uisce na duainéise, an té a theagascann thú, ní cheilfidh é féin feasta, agus feicfidh do shúile an Té a theagascann thú.

[21]Cloisfidh do chluasa an focal seo i do dhiaidh: “Seo an bealach, leanaigí é”, cuma ar dheis nó ar chlé a chasfaidh sibh.

[22]Measfaidh tú ansin gur neamhghlan do phlátáil airgid do chuid íol agus do chlúdach óir do chuid dealbh. Caithfidh tú uait iad mar bheadh rud truaillithe ann; “Gread leat!” a déarfaidh tú leo.

[23]Agus tabharfaidh sé báisteach le haghaidh an tsíl a chuirfidh tú sa talamh, agus an t-arán a thugann an talamh uaidh, beidh sé blasta agus beathúil. Beidh do chuid eallaigh ag innilt an lá sin ar fhéarach leathan.

[24]Na daimh agus na hasail a threabhann an talamh, beidh coirce blasta le hithe acu, a ndearnadh cáitheadh air le sluasaid agus le cáiteog.

[25] Em todo monte alto e em todo outeiro elevado haverá ribeiros e correntes de águas, no dia da grande matança quando caírem as torres.

[26] A luz da lua será como a do sol, e a do sol, sete vezes maior, como a luz de sete dias, no dia em que o SENHOR atar a ferida do seu povo e curar a chaga do golpe que ele deu.

O julgamento da Assíria

[27] Eis o nome do SENHOR vem de longe, ardendo na sua ira, no meio de espessas nuvens; os seus lábios estão cheios de indignação, e a sua língua é como fogo devorador.

[28] A sua respiração é como a torrente que transborda e chega até ao pescoço, para peneirar as nações com peneira de destruição; um freio de fazer errar estará nos queixos dos povos.

[29] Um cântico haverá entre vós, como na noite em que se celebra festa santa; e alegria de coração, como a daquele que sai ao som da flauta para ir ao monte do SENHOR, à Rocha de Israel.

[30] O SENHOR fará ouvir a sua voz majestosa e fará ver o golpe do seu braço, que desce com indignação de ira, no meio de chamas devoradoras, de chuvas torrenciais, de tempestades e de pedra de saraiva.

[31] Porque com a voz do SENHOR será apavorada a Assíria, quando ele a fere com a vara.

[25]Agus ar gach sliabh ard agus gach cnoc mór beidh srutháin uisce agus sreabha lá an áir nuair a thitfidh na dúnfoirt.

[26]Beidh solas na gealaí ar aon dul le solas na gréine agus solas na gréine seacht n-uaire níos gile fós, ar nós solas seacht lá le chéile, sa lá a gceanglóidh an Tiarna créacht a phobail agus a leigheasfaidh sé fearbacha a bhuillí.

Brisfear an Asaír

[27]Breathnaigí! Tá ainm an Tiarna ag teacht ó chríoch i gcéin, is loiscneach a fhearg, is trom an t-ualach atá air, tá a bheola ag cur thar maoil le cuthach, agus a theanga ina tine chraosach.

[28]Tá a anáil mar thuile in abhainn, a thiocfadh go muineál ar dhuine. Tá sé ag teacht chun na náisiúin a chriathrú i gcriathar an mhillte, chun béalbhach a chuid srianta a chur le giall na gciníocha.

[29]Beidh bhur gceolsa, áfach, mar bheadh oíche chinn féile ann, agus aoibhneas ar chroí gach aon. Ar nós an té a bhuaileann bóthar le ceol na bhfeadóg ar a bhealach ionsar shliabh an Tiarna, ionsar charraig Iosrael,

[30]Tabharfaidh an Tiarna faoi deara go gcloisfear mórgacht a ghlóir, agus taispeánfaidh sé lascadh a láimhe, i bhfraoch a chuid feirge, i gceartlár tine craosaí, i séideán báistí agus clochshneachta.

[31]Óir is é glór an Tiarna a chuirfidh coiscriú ar an Asaír, agus í faoi bhuillí a bhata,

[32] Cada pancada castigadora, com a vara, que o SENHOR lhe der, será ao som de tamboris e harpas; e combaterá vibrando golpes contra eles.

[33] Porque há muito está preparada a fogueira, preparada para o rei; a pira é profunda e larga, com fogo e lenha em abundância; o assopro do SENHOR, como torrente de enxofre, a acenderá.

[32]gach buille den bhata agus den phionós a leagfaidh an Tiarna uirthi, le bodhráin agus le cláirseacha agus le damhsaí…

[33]Óir is fada leac teallaigh ullamh cois Toifit, agus ullamh le haghaidh Mhoilic chomh maith, clais dhomhain leathan, lán cocháin agus adhmaid, agus anáil an Tiarna ag cur tine leis, mar a bheadh rabharta ruibhe ann.

Isaías 31

O Egito é homem e não deus

[1] Ai dos que descem ao Egito em busca de socorro e se estribam em cavalos; que confiam em carros, porque são muitos, e em cavaleiros, porque são mui fortes, mas não atentam para o Santo de Israel, nem buscam ao SENHOR!

[2] Todavia, este é sábio, e faz vir o mal, e não retira as suas palavras; ele se levantará contra a casa dos malfeitores e contra a ajuda dos que praticam a iniqüidade.

[3] Pois os egípcios são homens e não deuses; os seus cavalos, carne e não espírito. Quando o SENHOR estender a mão, cairão por terra tanto o auxiliador como o ajudado, e ambos juntamente serão consumidos.

[4] Porque assim me disse o SENHOR: Como o leão e o cachorro do leão rugem sobre a

Íseáia 31

In Éadan na hÉigipte

[1]Mo léan iad siúd atá ag dul síos chun na hÉigipte ar lorg dídine, atá ag cur a muiníne i gcapaill, agus a ndóchas i líon na gcarbad agus i marcshlua neartmhar, ach nach bhfuil a súil le Neach Naofa Iosrael ar aon chor ná nár lorg comhairle an Tiarna.

[2]Ina dhiaidh sin féin, tá an Tiarna seiftiúil go leor chun an tubaiste a chur faoi deara freisin; ní dual dó dul siar ar a fhocal, ach éireoidh sé amach in éadan baicle na n-urchóideach, ina gcoinne siúd a chuidíonn le lucht na míghníomhartha.

[3]Daoine is ea na hÉigiptigh agus ní déithe; is feoil a gcuid each agus ní spiorad; agus nuair a shínfidh an Tiarna amach a lámh, bainfear tuisle as fear an chuidithe agus titfidh an fear ar cuidíodh leis ina theannta, agus caillfear iad go léir le chéile.

In Éadan na hAsaíre

[4]Sea, is mar seo a dúirt an Tiarna liom: Mar a bheadh leon nó coileán leoin ag

sua presa, ainda que se convoque contra eles grande número de pastores, e não se espantam das suas vozes, nem se abatem pela sua multidão, assim o SENHOR dos Exércitos descerá, para pelejar sobre o monte Sião e sobre o seu outeiro.

gnúsacht os cionn a chreiche, agus na haoirí á ngairm amach líon a slua ina choinne, gan scáth a theacht air lena scairteach, ná scaoll lena gcallán, is amhlaidh a thiocfaidh Tiarna na Slua anuas chun catha ar shliabh Shíón agus ar a chnocán ard.

5 Como pairam as aves, assim o SENHOR dos Exércitos amparará a Jerusalém; protegê-la-á e salvá-la-á, poupá-la-á e livrá-la-á.

5Ar nós mar bhíonn éanlaith ar foluain, is amhlaidh a dhéanfaidh Tiarna na Slua cumhdach ar Iarúsailéim, á cumhdach agus á baint as braighdeanas, ag ligean léi agus á scaoileadh saor.

6 Convertei-vos, pois, ó filhos de Israel, àquele de quem tanto vos afastastes.

6Filligí ar an té atá séanta agus dúshéanta agaibh, a chlann Iosrael.

7 Pois, naquele dia, cada um lançará fora os seus ídolos de prata e os seus ídolos de ouro, que as vossas mãos fabricaram para pecardes.

7Sea, an lá sin caithfidh gach duine uaidh na híola airgid agus na híola óir atá dealbhaithe agaibh le bhur lámha ciontacha.

8 Então, a Assíria cairá pela espada, não de homem; a espada, não de homem, a devorará; fugirá diante da espada, e os seus jovens serão sujeitos a trabalhos forçados.

8Rachaidh an Asaír síos roimh chlaíomh nach ón duine é agus alpfar é le claíomh nach daonna; teithfidh sé ar aghaidh an chlaímh agus déanfar sclábhaithe dá chuid óglach.

9 De medo não atinará com a sua rocha de refúgio; os seus príncipes, espavoridos, desertarão a bandeira, diz o SENHOR, cujo fogo está em Sião e cuja fornalha, em Jerusalém.

9Tréigfidh sé a dhúnfort le tréan eagla agus fágfaidh a thaoisigh an meirge le barr scéine. Fáistine é seo ón Tiarna féin a bhfuil tine ar lasadh aige i Síón agus foirnéis aige in Iarúsailéim.

Isaías 32

O reinado do justo Rei

1 Eis aí está que reinará um rei com justiça, e em retidão governarão príncipes.

2 Cada um servirá de esconderijo contra o vento, de refúgio contra a tempestade, de

Íseáia 32

Ceart an Rí

1Is é an ceart is bun le ríogacht an rí agus an chóir le flaitheas na bhflatha;

2is cosúil gach aon acu le foscadh ón ngaoth, le fothain ón anfa, amhail srutháin uisce i dtalamh tirim, amhail

torrentes de águas em lugares secos e de sombra de grande rocha em terra sedenta.

[3] Os olhos dos que vêem não se ofuscarão, e os ouvidos dos que ouvem estarão atentos.

[4] O coração dos temerários saberá compreender, e a língua dos gagos falará pronta e distintamente.

[5] Ao louco nunca mais se chamará nobre, e do fraudulento jamais se dirá que é magnânimo.

[6] Porque o louco fala loucamente, e o seu coração obra o que é iníquo, para usar de impiedade e para proferir mentiras contra o SENHOR, para deixar o faminto na ânsia da sua fome e fazer que o sedento venha a ter falta de bebida.

[7] Também as armas do fraudulento são más; ele maquina intrigas para arruinar os desvalidos, com palavras falsas, ainda quando a causa do pobre é justa.

[8] Mas o nobre projeta coisas nobres e na sua nobreza perseverará.

Advertências contra as mulheres de Jerusalém

[9] Levantai-vos, mulheres que viveis despreocupadamente, e ouvi a minha voz; vós, filhas, que estais confiantes, inclinai os ouvidos às minhas palavras.

[10] Porque daqui a um ano e dias vireis a tremer, ó mulheres que estais confiantes,

fuarthan carraige móire i bhfearann spallta.

[3]Ní bheidh sram ansin ar na súile a fheiceann, beidh na cluasa a chloiseann ar bior,

[4]beidh croí lucht luathintinne ag cleachtadh críonnachta agus teanga na dtrudairí ag labhairt go héasca agus go soiléir;

[5]ní thabharfar uasal feasta ar an amadán, ná ní bheidh clú na cneastachta ar an gcaimiléirí.

Ní ionann don Amadán agus don Uasal

[6]Óir bíonn an t-amadán ag stealladh amaidí agus a chroí ag meabhrú an oilc, chun an urchóid a chur i gcrích, chun labhairt go hiomrallach faoin Tiarna, chun an t-ocrach a fhágáil agus a bholg folamh agus deoch a dhiúltú don té a bhfuil tart air.

[7]Maidir leis an gcaimiléirí, tá a chaimiléireacht mallaithe; bíonn sé ag ceapadh seifteanna chun na bochtáin a mhilleadh le bréaga, fiú agus an ceart ag cúis na ndearóile;

[8]ach an té atá uasal, is uasal dá bhearta, agus an rud uasal, is é á chuireann sé i bhfeidhm.

Do Mhná Sócúlacha

[2] Por que gastais o dinheiro naquilo que não é pão, e o vosso suor, naquilo que não satisfaz? Ouvi-me atentamente, comei o que é bom e vos deleitareis com finos manjares.

[3] Inclinai os ouvidos e vinde a mim; ouvi, e a vossa alma viverá; porque convosco farei uma aliança perpétua, que consiste nas fiéis misericórdias prometidas a Davi.

[4] Eis que eu o dei por testemunho aos povos, como príncipe e governador dos povos.

[5] Eis que chamarás a uma nação que não conheces, e uma nação que nunca te conheceu correrá para junto de ti, por amor do SENHOR, teu Deus, e do Santo de Israel, porque este te glorificou.

[6] Buscai o SENHOR enquanto se pode achar, invocai-o enquanto está perto.

[7] Deixe o perverso o seu caminho, o iníquo, os seus pensamentos; converta-se ao SENHOR, que se compadecerá dele, e volte-se para o nosso Deus, porque é rico em perdoar.

Íseáia 55

Bia na mBochtán

[1]Hóigh, a lucht an íota, tagaigí faoi choinne uisce; fiú mura bhfuil airgead agaibh, tagaigí; Ceannaigí cruithneacht agus ithigí gan díol as, agus fíon agus bainne gan íoc.

[2]Cén fáth a gcaitheann sibh airgead air rud nach arán é, agus luach bhur saothair ar rud nach bhfuil sásamh ann? Éistigí liomsa agus beidh sólaistí le hithe agaibh agus beidh taitneamh á bhaint agaibh as togha an bhia.

[3]Tugaigí cluas agus tagaigí chugam, éistigí agus beidh bhur n-anam saolach.

An Conradh

Déanfaidh mé conradh libh, conradh buan an uair seo, an chomaoin cheanúil a chur oraibh a ba mhinic ag Dáiví.

[4]Is amhlaidh atá tú mar fhinné agam do na ciníocha, i do cheannaire agus i do cheann comhairle ar na náisiúin.

[5]Seo, glaofaidh tú ar chiníocha nárbh aithin duit agus tiocfaidh ciníocha gan aithne ort chugat ina rith. Toisc an Tiarna, do Dhia, agus Neach Naofa Iosrael, ós é a chuir maise ort.

An Tiarna Tréan i nGar

[6]Lorgaigí an Tiarna, fad a chuireann sé é féin air fáil; glaoigí air, fad atá sé i ngar.

[7]Fágadh an coirpeach a dhrochnós agus fear na hurchóide a bhearta. Filleadh sé ar an Tiarna, a ghlacfaidh trua dó, agus ar ár nDia, atá fial faoi mhaithiúnas.

[8] Porque os meus pensamentos não são os vossos pensamentos, nem os vossos caminhos, os meus caminhos, diz o SENHOR,

[9] porque, assim como os céus são mais altos do que a terra, assim são os meus caminhos mais altos do que os vossos caminhos, e os meus pensamentos, mais altos do que os vossos pensamentos.

[10] Porque, assim como descem a chuva e a neve dos céus e para lá não tornam, sem que primeiro reguem a terra, e a fecundem, e a façam brotar, para dar semente ao semeador e pão ao que come,

[11] assim será a palavra que sair da minha boca: não voltará para mim vazia, mas fará o que me apraz e prosperará naquilo para que a designei.

[12] Saireis com alegria e em paz sereis guiados; os montes e os outeiros romperão em cânticos diante de vós, e todas as árvores do campo baterão palmas.

[13] Em lugar do espinheiro, crescerá o cipreste, e em lugar da sarça crescerá a murta; e será isto glória para o SENHOR e memorial eterno, que jamais será extinto.

Isaías 56

A vocação dos gentios

[1] Assim diz o SENHOR: Mantende o juízo e fazei justiça, porque a minha salvação

[8]Óir ní hiad mo bhearta bhur mbearta, ná ní hiad bhur mbealaíse mo bhealaíse, briathar an Tiarna.

[9]Is ard iad na spéartha os cionn na talún, agus is comh-ard mo bhealaí os cionn bhur mbealaí agus mo bhearta os cionn bhur mbearta.

Éifeacht Bhriathar an Tiarna

[10]Óir mar a thagann báisteach agus sneachta anuas ó na spéartha agus nach bhfilleann suas ar ais gan an talamh a fhliuchadh, gan fás agus eascar a chur ann, chun go dtuga sé síol don síoladóir agus arán le hithe,

[11]is amhlaidh don bhriathar a théann as mo bhéal, ní fhilleann orm gan toradh, gan an rud a b'áil liom a dhéanamh agus mo bheart a chur i gcrích.

Deireadh an Leabhair

[12]Sea, imeoidh sibh amach faoi lúcháir agus tabharfar abhaile sibh slán sábháilte. Sléibhte agus cnoic, ligfidh siad gártha áthais romhaibh agus beidh crainn uile na tíre ag bualadh bos.

[13]In ionad driseacha beidh an chufróg ag fás, agus in áit na neantóg an miortal. Déanfaidh sin clú agus cáil don Tiarna, beidh ina chomhartha nach gcaitear agus nach mbristear!

Íseáia 56

An Treas Cuid
Glacann an Tiarna le hEachtrannaigh a Iompaíonn

[1]Is amhlaidh a deir an Tiarna: Coinnígí an ceart, cleachtaigí an fhíréantacht, óir tá

está prestes a vir, e a minha justiça, prestes a manifestar-se.

[2] Bem-aventurado o homem que faz isto, e o filho do homem que nisto se firma, que se guarda de profanar o sábado e guarda a sua mão de cometer algum mal.

[3] Não fale o estrangeiro que se houver chegado ao SENHOR, dizendo: O SENHOR, com efeito, me separará do seu povo; nem tampouco diga o eunuco: Eis que eu sou uma árvore seca.

[4] Porque assim diz o SENHOR: Aos eunucos que guardam os meus sábados, escolhem aquilo que me agrada e abraçam a minha aliança,

[5] darei na minha casa e dentro dos meus muros, um memorial e um nome melhor do que filhos e filhas; um nome eterno darei a cada um deles, que nunca se apagará.

[6] Aos estrangeiros que se chegam ao SENHOR, para o servirem e para amarem o nome do SENHOR, sendo deste modo servos seus, sim, todos os que guardam o sábado, não o profanando, e abraçam a minha aliança,

[7] também os levarei ao meu santo monte e os alegrarei na minha Casa de Oração; os seus holocaustos e os seus sacrifícios serão aceitos no meu altar, porque a minha casa será chamada Casa de Oração para todos os povos.

m'fhuascailt ar tí teacht agus m'fhíréantacht ar tí a foilsithe.

[2]Is méanar don duine a dhéanann amhlaidh agus do mhac an duine a chloíonn go docht leis: ag coinneáil na sabóide gan truailliú agus á choimeád féin ó gach droch ghníomh.

[3]Ná habradh mac an eachtrannaigh a chuaigh leis an Tiarna: “Cinnte, coinneoidh an Tiarna amach as a phobal mé.” Ná habradh an coillteán: “Níl ionamsa ach crann seasc.”

[4]Óir is mar seo a deir an Tiarna: Na coillteáin a choinníonn mo shabóidí, a théann leis an ní a thaitníonn liom agus a chloíonn go docht le mo chonradh,

[5]tabharfaidh mé dóibh leacht agus ainm i mo theach féin agus laistigh de mo bhallaí, rud is fearr ná clann mhac agus iníonacha; tabharfaidh mé dóibh ainm síoraí, ainm nach gcealófar go deo.

[6]Agus clann na n-eachtrannach chomh maith, a chloígh leis an Tiarna chun fónamh dó, chun grá a thabhairt d'ainm an Tiarna agus chun bheith ina seirbhísigh aige, iad siúd uile a choinníonn an tsabóid gan truailliú agus a chloíonn go docht le mo chonradh,

[7]déanfaidh mé a gcinnireacht go dtí mo shliabh beannaithe. Tabharfaidh mé aoibhneas dóibh i mo theach urnaí. Glacfar air m'altóir lena dtabhartais loiscthe agus lena n-íobairtí, óir gairfear de mo theachsa teach urnaí na gciníocha go léir.

[8] Assim diz o SENHOR Deus, que congrega os dispersos de Israel: Ainda congregarei outros aos que já se acham reunidos.

Ai dos guias cegos de Israel!

[9] Vós, todos os animais do campo, todas as feras dos bosques, vinde comer.

[10] Os seus atalaias são cegos, nada sabem; todos são cães mudos, não podem ladrar; sonhadores preguiçosos, gostam de dormir.

[11] Tais cães são gulosos, nunca se fartam; são pastores que nada compreendem, e todos se tornam para o seu caminho, cada um para a sua ganância, todos sem exceção.

[12] Vinde, dizem eles, trarei vinho, e nos encharcaremos de bebida forte; o dia de amanhã será como este e ainda maior e mais famoso.

Isaías 57

Condenada a idolatria de Israel

[1] Perece o justo, e não há quem se impressione com isso; e os homens piedosos são arrebatados sem que alguém considere nesse fato; pois o justo é levado antes que venha o mal

[2] e entra na paz; descansam no seu leito os que andam em retidão.

[8]Seo é briathar an Tiarna Dia a chruinníonn muintir scaipthe Iosrael. Cruinneoidh mé tuilleadh fós in éindí leo siúd atá cruinnithe cheana.

Taoisigh gan Rath

[9]A ainmhithe uile an mhachaire, tagaigí; a ainmhithe uile na foraoise, tagaigí agus sásaigí bhur gcraos.

[10]Ár lucht faire, tá siad ar fad dall, ní léir dóibh dada! Madaí balbha iad go léir, nach féidir leo tafann. Ag brionglóideach atá siad, ina luí fúthu, a ndúil sa chodladh.

[11]Madaí craosacha iad nach féidir a shásamh, tréadaithe nach dtuigeann dada. Téann siad go léir a mbealach féin, gach aon riamh acu ar lorg a leasa féin.

[12]“Tagaigí!” a deir siad, “tá mé ag dul a lorg fíona; líonfaimid sinn féin le biotáille, agus beidh an lá amárach mar an lá inniu, lá mór má bhí a leithéid riamh ann!”

Íseáia 57

[1]Téann an fíréan in éag agus ní mheabhraíonn aon duine ina chroí é. Tógtar lucht na caoindúthrachta ar shiúl gan duine ar bith a thabhairt aird air.

[2]Is ea, de bharr na hurchóide tógtar an fíréan ar shiúl ach isteach sa tsíocháin a théann sé. Tá siad ag ligean a scíthe ar a leaba dheireanach, iad siúd a shiúil bealach na córa.

[3] Mas chegai-vos para aqui, vós, os filhos da agoureira, descendência da adúltera e da prostituta.
[4] De quem chasqueais? Contra quem escancarais a boca e deitais para fora a língua? Porventura, não sois filhos da transgressão, descendência da falsidade,
[5] que vos abrasais na concupiscência junto aos terebintos, debaixo de toda árvore frondosa, e sacrificais os filhos nos vales e nas fendas dos penhascos?

[6] Por entre as pedras lisas dos ribeiros está a tua parte; estas, estas te cairão em sorte; sobre elas também derramas a tua libação e lhes apresentas ofertas de manjares. Contentar-me-ia eu com estas coisas?
[7] Sobre monte alto e elevado pões o teu leito; para lá sobes para oferecer sacrifícios.

[8] Detrás das portas e das ombreiras pões os teus símbolos eróticos, puxas as cobertas, sobes ao leito e o alargas para os adúlteros; dizes-lhes as tuas exigências, amas-lhes a coabitação e lhes miras a nudez.

[9] Vais ao rei com óleo e multiplicas os teus perfumes; envias os teus embaixadores para longe, até à profundidade do sepulcro.

[10] Na tua longa viagem te cansas, mas não dizes: É em vão; achas o que buscas; por isso, não desfaleces.

[3]Ach tagaigí sibhse i leith anseo, a chlann na caillí feasa, a phór an adhaltranaigh agus na striapaí.
[4]Cé faoi atá sibh ag fonóid, cé faoi an clab sin oraibh, agus cé chuige a shánn sibh amach bhur dteanga? Síol an pheaca atá ionaibh agus pór na mbréag!
[5]Sibhse a dhéanann drúis faoi na crainn teiribinte, faoi gach crann glas ag íobairt páistí sna haltáin sléibhe, i scealpacha na gcarraig!

Tairngire in aghaidh na nÍol

[6]Clocha snoite na n-altán, sin iad do chuibhreann, is iad, is iad do chuid. Ar a son siúd a dhoirteann tú deochanna ofrála, chucusan a thugann tú ofrálacha bia. An bhfuil sásamh le fáil agam ina leithéid?
[7]Ar shliabh mór ard atá do leaba cóirithe agat. Is ann freisin a chuaigh tú suas a dhéanamh do chuid íobairtí.
[8]Ar chúl an dorais agus na hursan is ea a chuir tú do chloch chuimhne in airde. D'imigh tú uaim agus bhain tú díot, chuaigh tú ar an leaba fhairsing a bhí cóirithe agat. Tá conradh déanta agat leo siúd ar mhór leat a leaba, ag síorstriapachas leo agus do shúile ar an dia bréige.
[9]Chuir tú maise ort féin le hola ar son Mhoilic, ag stealladh cumhrán ort féin; chuir tú do theachtairí i bhfad i gcéin, chuir tú iad síos go Seól fiú.
[10]Tuirseach is mar bhí tú leis an bhfánaíocht ar fad, níor dhúirt tú: "Tá mé ag éirí as." Fuair tú neart agus urra as an nua, mar sin níl tú tuirseach fós.

[11] Mas de quem tiveste receio ou temor, para que mentisses e não te lembrasses de mim, nem de mim te importasses? Não é, acaso, porque me calo, e isso desde muito tempo, e não me temes?

[12] Eu publicarei essa justiça tua; e, quanto às tuas obras, elas não te aproveitarão.

[13] Quando clamares, a tua coleção de ídolos que te livre! Levá-los-á o vento; um assopro os arrebatará a todos, mas o que confia em mim herdará a terra e possuirá o meu santo monte.

Mensagem de paz para os arrependidos

[14] Dir-se-á: Aterrai, aterrai, preparai o caminho, tirai os tropeços do caminho do meu povo.

[15] Porque assim diz o Alto, o Sublime, que habita a eternidade, o qual tem o nome de Santo: Habito no alto e santo lugar, mas habito também com o contrito e abatido de espírito, para vivificar o espírito dos abatidos e vivificar o coração dos contritos.

[16] Pois não contenderei para sempre, nem me indignarei continuamente; porque, do contrário, o espírito definharia diante de mim, e o fôlego da vida, que eu criei.

[17] Por causa da indignidade da sua cobiça, eu me indignei e feri o povo; escondi a

[11]Cé a chuir an eagla agus an t-uamhan ort gur shéan tú mé, go ndearna tú dearmad orm agus nár choinnigh tú áit i do chroí dom? Ach mise, an ea nár fhan mé i mo thost, nár dhún mé mo shúile? Mar sin níl eagla ort romhamsa.

[12]Ach anois tá mé chun an fhíréantacht seo agat a léiriú go hoscailte, agus do ghnóthaí gan rath.

[13]Nuair a screadann tú, sábháladh do dhéithe bréige gránna thú! Cartfar ar shiúl leis an ngaoth an t-iomlán acu, siabfaidh anáil ar shiúl iad. Ach an té a chuireann a iontaoibh ionamsa, gheabhaidh sé an tír mar oidhreacht, agus beidh seilbh aige ar mo shliabh beannaithe.

Dán Sóláis

[14]Agus cloisfear glór á rá: Tógaigí suas tóchar agus réitigí an bealach, glanaigí gach constaic as cosán mo mhuintire

[15]Óir is mar seo a deir an Té is airde, a bhfuil a chónaí sa tsíoraíocht agus a bhfuil a ainm naofa: “Tá cónaí orm in áras atá ard agus naofa, agus fós i bhfochair an té atá brúite uiríseal ó spiorad, chun misneach a mhúscailt arís i spiorad na n-uirísle, chun misneach a chur ar ais sna croíthe brúite.

[16]Óir ní bheidh mé ag sárú oraibh i gcónaí, agus ní bheidh fearg á cothú istigh agam i dtólamh; mar sa tslí sin mheathfadh romham an bheatha féin agus gach dúil bheo dá ndearna mé.

[17]Coiriúlacht agus bradaíl Iosrael a chuir fearg orm seal; cheil mé mo ghnúis air

face e indignei-me, mas, rebelde, seguiu ele o caminho da sua escolha.

[18] Tenho visto os seus caminhos e o sararei; também o guiarei e lhe tornarei a dar consolação, a saber, aos que dele choram.

[19] Como fruto dos seus lábios criei a paz, paz para os que estão longe e para os que estão perto, diz o SENHOR, e eu o sararei.

[20] Mas os perversos são como o mar agitado, que não se pode aquietar, cujas águas lançam de si lama e lodo.

[21] Para os perversos, diz o meu Deus, não há paz.

Isaías 58

Observância devida do jejum

[1] Clama a plenos pulmões, não te detenhas, ergue a voz como a trombeta e anuncia ao meu povo a sua transgressão e à casa de Jacó, os seus pecados.

[2] Mesmo neste estado, ainda me procuram dia a dia, têm prazer em saber os meus caminhos; como povo que pratica a justiça e não deixa o direito do seu Deus, perguntam-me pelos direitos da justiça, têm prazer em se chegar a Deus,

[3] dizendo: Por que jejuamos nós, e tu não atentas para isso? Por que afligimos a nossa alma, e tu não o levas em conta? Eis que, no dia em que jejuais, cuidais dos

agus bhuail mé le teann feirge. D'imigh sé leis fiáin sna bealaí a b'áil lena chroí;

[18]chonaic mé féin iad na bealaí céanna. Ach leigheasfaidh mé é agus tabharfaidh mé sólás dó; líonfaidh mé le suaimhneas é, é féin agus lucht a chaointe,

[19]á dhéanamh sin le briathra mo bheola: Síocháin! Síocháin don uile dhuine, i bhfad agus i ngar! a deir an Tiarna. Sea go deimhin, tá mé chun tú a leigheas."

[20]Ach tá lucht na hurchóide ar nós farraige suaite, farraige nach féidir di bheith ciúin, a mbíonn a tonnta ag caitheamh suas salachair agus láibe.

[21]"Níl síocháin i ndán," a deir mo Dhia, "do lucht na hurchóide."

Íseáia 58

An Troscadh

[1]Glaoigh amach in ard do chinn, na coinnigh siar é, ardaigh do ghlór mar a bheadh adharc á séideadh. Taispeáin do mo phobal a gcoireanna agus do theaghlach Iacóib a bpeacaí.

[2]Lá in aghaidh an lae tá siad do mo thaithí, ag maíomh toil a bheith acu agus tuiscint do mo shlite, amhail pobal a bheadh ag cleachtadh fíréantachta, in áit a bheith ag tabhairt cúl le dleacht a nDé. Bíonn siad ag cur tuairisc orm faoi dhlíthe córa; is áil leo, más fíor dóibh, druidim le Dia:

[3]"Cad chuige ár dtroscadh mura bhfeiceann tusa é, ár gcrá anama, mura dtugann tú aird air?" Ach bhur laethanta troscaidh bíonn gnóthaí ar siúl agaibh,

vossos próprios interesses e exigis que se faça todo o vosso trabalho.

4 Eis que jejuais para contendas e rixas e para ferirdes com punho iníquo; jejuando assim como hoje, não se fará ouvir a vossa voz no alto.

5 Seria este o jejum que escolhi, que o homem um dia aflija a sua alma, incline a sua cabeça como o junco e estenda debaixo de si pano de saco e cinza? Chamarias tu a isto jejum e dia aceitável ao SENHOR?

6 Porventura, não é este o jejum que escolhi: que soltes as ligaduras da impiedade, desfaças as ataduras da servidão, deixes livres os oprimidos e despedaces todo jugo?

7 Porventura, não é também que repartas o teu pão com o faminto, e recolhas em casa os pobres desabrigados, e, se vires o nu, o cubras, e não te escondas do teu semelhante?

8 Então, romperá a tua luz como a alva, a tua cura brotará sem detença, a tua justiça irá adiante de ti, e a glória do SENHOR será a tua retaguarda;

9 então, clamarás, e o SENHOR te responderá; gritarás por socorro, e ele dirá: Eis-me aqui. Se tirares do meio de ti

bíonn sibh ag tromaíocht ar bhur n-oibrithe go léir.

4Déanann sibh troscadh agus sibh ag bruíon agus ag troid agus ag bualadh dorn ar a chéile le binb. Troscadh mar atá ar siúl agaibh faoi láthair, ní hé a leithéid a gheobhaidh éisteacht thuas do bhur nglór.

5An é sin an troscadh is rogha liom, lá cránais den chineál seo i láthair? Duine ag cromadh a chinn mar a bheadh giolcach ann, agus é sínte ar éadach róin agus ar luaithreach, an air seo a thabharfá troscadh, agus lá taitneamhach i láthair an Tiarna?

6An troscadh is áil liom, nach é seo é? dar briathar an Tiarna Dia: Geimhleacha na héagóra a scaoileadh, an ceangal a bhaint den chuing; an dream a smachtaíodh a scaoileadh saor amach, an uile chuing a bhriseadh;

7do chuid aráin a roinnt le lucht ocrais, dídean a thabhairt do bhochtáin gan teach gan treabh, éadach a chur ar an té a fheiceann tú nocht agus gan faillí a dhéanamh i do dhualgas i leith do mhuintire.

8Ansin scallfaidh do sholas amach mar an maidneachan agus is gearr go dtaga cneasú ar do chréachtaí. Rachaidh d'fhíréantacht romhat amach agus glóir an Tiarna i do dhiaidh.

9Ansin, má ghlaonn tú, tabharfaidh an Tiarna freagra ort; nuair a scairtfidh tú, déarfaidh sé: “Seo anseo mé.” Má dhíbríonn tú an leatrom as do chúrsaí,

o jugo, o dedo que ameaça, o falar injurioso;

[10] se abrires a tua alma ao faminto e fartares a alma aflita, então, a tua luz nascerá nas trevas, e a tua escuridão será como o meio-dia.

[11] O SENHOR te guiará continuamente, fartará a tua alma até em lugares áridos e fortificará os teus ossos; serás como um jardim regado e como um manancial cujas águas jamais faltam.

[12] Os teus filhos edificarão as antigas ruínas; levantarás os fundamentos de muitas gerações e serás chamado reparador de brechas e restaurador de veredas para que o país se torne habitável.

[13] Se desviares o pé de profanar o sábado e de cuidar dos teus próprios interesses no meu santo dia; se chamares ao sábado deleitoso e santo dia do SENHOR, digno de honra, e o honrares não seguindo os teus caminhos, não pretendendo fazer a tua própria vontade, nem falando palavras vãs,

[14] então, te deleitarás no SENHOR. Eu te farei cavalgar sobre os altos da terra e te sustentarei com a herança de Jacó, teu pai, porque a boca do SENHOR o disse.

Isaías 59

Confissão da maldade nacional

[1] Eis que a mão do SENHOR não está encolhida, para que não possa salvar; nem surdo o seu ouvido, para não poder ouvir.

bagairt na méire agus an chaint urchóideach,

[10]má thugann tú do chuid aráin don ocrach agus a sháith don duine dearóil, éireoidh do sholas sa dorchadas agus beidh do ghruaim ina loinnir mheán lae.

[11]Beidh an Tiarna do do threorú de shíor agus ag riar do ghá faoi loscadh na gréine. Cuirfidh sé smior i do chnámha agus beidh tú mar ghairdín a fuair riar uisce, ar nós tobar nach dtéann a chuid uiscí i ndísc.

[12]Agus beidh tú ag tógáil arís ar na fothracha ársa agus ag foirgniú ar dhúshraith na seanaimsire. Tabharfar ort fear líonta na bearna, fear cóirithe na n-áitreabh scriosta.

I dtaobh na Sabóide

[13]Má scorann tú den tsabóid a bhrú faoi chois agus de do ghnóthaí a dhéanamh ar an lá beannaithe; má ghlaonn tú lá aoibhnis ar an tsabóid, agus lá urraime ar lá beannaithe an Tiarna; má thugann tú onóir dó agus gan taisteal a dhéanamh air, ná gnóthaí a dhéanamh ná dul i ndáil chomhairle;

[14]is ansin a bheidh d'aoibhneas sa Tiarna; cuirfidh mé i do mharcach thú ar mhullaí cosanta na tíre. Beathóidh mé thú le hoidhreacht Iacóib, d'athair, óir tá béal an Tiarna tar éis labhairt.

Íseáia 59

Salm

[1]Ní hé go bhfuil lámh an Tiarna chomh giorraithe sin nach bhfuasclaíonn, ná a chluas chomh mall nach gcloiseann.

[2] Mas as vossas iniqüidades fazem separação entre vós e o vosso Deus; e os vossos pecados encobrem o seu rosto de vós, para que vos não ouça.

[2]Ach is iad bhur gcionta atá ina nduibheagán idir sibh agus bhur nDia. Thug bhur bpeacaí air a aghaidh a chlúdach ionas nach gcloiseann sé sibh.

[3] Porque as vossas mãos estão contaminadas de sangue, e os vossos dedos, de iniqüidade; os vossos lábios falam mentiras, e a vossa língua profere maldade.

[3]Óir tá bhur lámha truaillithe le fuil agus bhur méara le cionta. Tá an bhréag ar bhur mbeola agus monabhar an éigirt ar bhur dteanga.

[4] Ninguém há que clame pela justiça, ninguém que compareça em juízo pela verdade; confiam no que é nulo e andam falando mentiras; concebem o mal e dão à luz a iniqüidade.

[4]Éileamh ar cheart ní dhéantar sa chúirt, ná ní théitear chun dlí go hionraic. Cuirtear muinín sa díomhaointeas agus cantar bréaga; gabhtar an míghníomh sa bhroinn agus saolaítear buaireamh.

[5] Chocam ovos de áspide e tecem teias de aranha; o que comer os ovos dela morrerá; se um dos ovos é pisado, sai-lhe uma víbora.

[5]Ar gor ar uibheacha nathrach atá siad, agus ag fíodóireacht líonta damhán alla; an té a itheann a n-uibheacha, faigheann sé bás, agus má bhristear ceann acu, nathair nimhe a thagann amach.

[6] As suas teias não se prestam para vestes, os homens não poderão cobrir-se com o que eles fazem, as obras deles são obras de iniqüidade, obra de violência há nas suas mãos.

[6]Maidir lena líonta, ní dhéanfaidh siad gnó éadaigh, ná ní dhéanfar clúdach dóibh as saothar a láimhe. A saothar siúd, is é saothar an donais é agus is réidh chucu an gníomh garbh.

[7] Os seus pés correm para o mal, são velozes para derramar o sangue inocente; os seus pensamentos são pensamentos de iniqüidade; nos seus caminhos há desolação e abatimento.

[7]Ritheann a gcosa chun an oilc, agus deifir orthu fuil neamhurchóideach a dhoirteadh. Bearta coiriúla is ea a mbearta, níl ach scrios agus slad ina ndiaidh aniar.

[8] Desconhecem o caminho da paz, nem há justiça nos seus passos; fizeram para si veredas tortuosas; quem anda por elas não conhece a paz.

[8]Bealach na síochána ní eol dóibh, ná níl ionracas ar bith i rian a n-imeachta. Cosáin chama atá réitithe amach acu; an té a shiúlann iad, níl síocháin i ndán dó.

[9] Por isso, está longe de nós o juízo, e a justiça não nos alcança; esperamos pela

[9]Dá thairbhe sin is fada an ceart uainn agus ní thagann an fhíréantacht suas linn.

luz, e eis que há só trevas; pelo resplendor, mas andamos na escuridão.

Bímid ag dréim leis an solas, agus seo dorchadas, le gealán gréine, agus tá muid ag siúl faoi ghruaim.

[10] Apalpamos as paredes como cegos, sim, como os que não têm olhos, andamos apalpando; tropeçamos ao meio-dia como nas trevas e entre os robustos somos como mortos.

[10]Tá muid ag gliúmáil romhainn inár ndaill cois balla; mar a dhéanfadh daoine gan súile atá ár ngliúmáil. Tá muid ag tuisliú um nóin mar bheadh sa chlapsholas, tá cónaí orainn sa dorchadas ar nós na marbh.

[11] Todos nós bramamos como ursos e gememos como pombas; esperamos o juízo, e não o há; a salvação, e ela está longe de nós.

[11]Tá muid uile ag gnúsacht mar bheadh béir ionainn, ag ochlán agus ag éagaoin ar nós colúr. Tá ár súil leis an gceart - ach ní ann dó, le fuascailt, ach is fada uainn í.

[12] Porque as nossas transgressões se multiplicam perante ti, e os nossos pecados testificam contra nós; porque as nossas transgressões estão conosco, e conhecemos as nossas iniqüidades,

[12]Óir is líonmhar ár bpeacaí i do láthair, agus tá ár gcionta ag tabhairt fianaise inár n-aghaidh. Mar is feasach sinn ar bpeacaí, agus is eol dúinn go maith ár gcoireanna:

[13] como o prevaricar, o mentir contra o SENHOR, o retirarmo-nos do nosso Deus, o pregar opressão e rebeldia, o conceber e proferir do coração palavras de falsidade.

[13]an Tiarna a thréigean agus a shéanadh agus imeacht ar shiúl ónár nDia, a bheith ag beartú ansmachta agus ceannairce, agus ag monabhar bréaga inár gcroí.

[14] Pelo que o direito se retirou, e a justiça se pôs de longe; porque a verdade anda tropeçando pelas praças, e a retidão não pode entrar.

[14]Caitear an ceart i leataobh agus seasann an fhíréantacht siar. Mar baineadh leagan as an iontaoibh ar fhaiche na cathrach, agus níl cead isteach ag an macántacht.

Blúire de Thaispeánadh

[15] Sim, a verdade sumiu, e quem se desvia do mal é tratado como presa. O SENHOR viu isso e desaprovou o não haver justiça.

[15]Tá an t-ionracas in easnamh agus déantar slad ar fhear seachanta an oilc. Chonaic an Tiarna sin agus níor thaitin sé leis nach raibh ceart le fáil os a chomhair.

[16] Viu que não havia ajudador algum e maravilhou-se de que não houvesse um intercessor; pelo que o seu próprio braço lhe trouxe a salvação, e a sua própria justiça o susteve.

[16]Chonaic sé nach raibh aon duine ann, agus b'iontach leis gan fear eadrána bheith le fáil. Mar sin rinne a lámh féin slánú dó agus ba í a fhíréantacht a chrann taca.

[17] Vestiu-se de justiça, como de uma couraça, e pôs o capacete da salvação na cabeça; pôs sobre si a vestidura da vingança e se cobriu de zelo, como de um manto.

[17]Chuir sé an fhíréantacht air ina lúireach agus clogad an tslánaithe ar a cheann. Chuir sé éadach an díoltais uime ina léine agus chlúdaigh é féin le díbheirg mar chlóca.

[18] Segundo as obras deles, assim retribuirá; furor aos seus adversários e o devido aos seus inimigos; às terras do mar, dar-lhes-á a paga.

[18]Cúiteoidh sé cách mar is dleacht, fearg dá naimhde agus díoltas dá eascairde.

[19] Temerão, pois, o nome do SENHOR desde o poente e a sua glória, desde o nascente do sol; pois virá como torrente impetuosa, impelida pelo Espírito do SENHOR.

[19]Beidh urraim d'ainm an Tiarna aniar agus dá ghlóir ó éirí na gréine. Óir tiocfaidh sé mar a bheadh tuile á cúnglú idir dhá bhruach agus siorradh ón Tiarna á siabadh.

[20] Virá o Redentor a Sião e aos de Jacó que se converterem, diz o SENHOR.

[20]Ach tiocfaidh sé go Síón mar fhuascailteoir, chuig muintir Iacóib agus a bpeacaí tréigthe acu. Briathar féin an Tiarna an méid sin!

[21] Quanto a mim, esta é a minha aliança com eles, diz o SENHOR: o meu Espírito, que está sobre ti, e as minhas palavras, que pus na tua boca, não se apartarão dela, nem da de teus filhos, nem da dos filhos de teus filhos, não se apartarão desde agora e para todo o sempre, diz o SENHOR.

[21]Maidir liom féin, is é seo mo chonradh leo, a deir an Tiarna: Mo spioradsa atá ag lonnú ort agus mo bhriathra atá curtha i do bhéal agam, ní imeoidh siad as do bhéal, ná as béal do shleachta, ná as béal shliocht do shleachta feasta go deo. Sin é a deir an Tiarna.

Isaías 60

A glória da nova Jerusalém

[1] Dispõe-te, resplandece, porque vem a tua luz, e a glória do SENHOR nasce sobre ti.

[2] Porque eis que as trevas cobrem a terra, e a escuridão, os povos; mas sobre ti aparece resplendente o SENHOR, e a sua glória se vê sobre ti.

Íseáia 60

Fáistine -- Aiséirí Iarúsailéim

[1]Éirigh, go lonrach, mar seo é do sholas ort, agus tá glóir an Tiarna tar éis éirí os do chionn,

[2]ainneoin go bhfuil an dorchadas ag leathadh thar an talamh agus dúchan na hoíche ar na ciníocha. Os do chionnsa tá

an Tiarna ag éirí agus tá a ghlóir le feiceáil anuas ort.

[3] As nações se encaminham para a tua luz, e os reis, para o resplendor que te nasceu.

[3]Tá na náisiúin ag triall ar do sholas agus a ríthe ar ghile do mhaidneachain.

[4] Levanta em redor os olhos e vê; todos estes se ajuntam e vêm ter contigo; teus filhos chegam de longe, e tuas filhas são trazidas nos braços.

[4]Ardaigh do shúile agus breathnaigh mórthimpeall: táthar ag bailiú le chéile agus ag triall ort. Tá do chlann mhac ag teacht ó i bhfad i gcéin, d iníonacha fós agus iad á n-iompar ar an leis.

[5] Então, o verás e serás radiante de alegria; o teu coração estremecerá e se dilatará de júbilo, porque a abundância do mar se tornará a ti, e as riquezas das nações virão a ter contigo.

[5]Ar a fheiceáil duit, beidh loinnir i do ghnúis, beidh do chroí ag borradh ionat le tocht: óir casfar flúirse na farraige i do threo, tiocfaidh saibhreas na náisiún ag triall ort.

[6] A multidão de camelos te cobrirá, os dromedários de Midiã e de Efa; todos virão de Sabá; trarão ouro e incenso e publicarão os louvores do SENHOR.

[6]Beidh tú ar do chlúdach le camaill ina sluaite, scoth chamaill Mhidián agus Éafá, iad siúd go léir ag triall as Seabá, ór agus túis ar iompar acu, agus iad ag fógairt moltaí an Tiarna.

[7] Todas as ovelhas de Quedar se reunirão junto de ti; servir-te-ão os carneiros de Nebaiote; para o meu agrado subirão ao meu altar, e eu tornarei mais gloriosa a casa da minha glória.

[7]Tréada uile Chéadar, cruinneoidh siad le chéile duit; beidh reithí Nabáiót ag riar ar do ghá. Rachaidh siad suas agus beidh glacadh leo air m'altóir, cuirfear maise le maise mo Theampaill.

[8] Quem são estes que vêm voando como nuvens e como pombas, ao seu pombal?

[8]Cé hiad siúd ag seoladh leo ar nós na néalta, mar a bheadh colúir ag filleadh ar a gcró?

[9] Certamente, as terras do mar me aguardarão; virão primeiro os navios de Társis para trazerem teus filhos de longe e, com eles, a sua prata e o seu ouro, para a santificação do nome do SENHOR, teu Deus, e do Santo de Israel, porque ele te glorificou.

[9]Soithí is ea iad ag bailiú as críocha na farraige, agus longa Thairsís ar a gceann, ag iompar do chlann mhac ó i bhfad i gcéin agus a gcuid óir agus airgid in éindí leo, ar son ainm an Tiarna do Dhia agus Neach Naofa Iosrael, os é a chuir maise ort.

[10] Estrangeiros edificarão os teus muros, e os seus reis te servirão; porque no meu furor te castiguei, mas na minha graça tive misericórdia de ti.

[10]Beidh clann na gcoimhthíoch ag tógáil do mhúrtha as an nua, agus a ríthe ag déanamh freastail ort. Óir cé gur bhasc mé thú nuair a bhí an taom feirge orm, is tú mo pháirt anois agus ghlac mé trua duit.

[11] As tuas portas estarão abertas de contínuo; nem de dia nem de noite se fecharão, para que te sejam trazidas riquezas das nações, e, conduzidos com elas, os seus reis.

[11]Beidh do gheataí ar leathadh de shíor, de lá ná d'oíche ní bheidh siad dúnta, chun go dtugtar chugat saibhreas na gciníocha agus a ríthe ar téad dá gcinnireacht.

[12] Porque a nação e o reino que não te servirem perecerão; sim, essas nações serão de todo assoladas.

[12]Óir náisiún nó ríocht nach stríocann duit, caillfear iad, agus déanfar slad ar thíortha iomlána.

[13] A glória do Líbano virá a ti; o cipreste, o olmeiro e o buxo, conjuntamente, para adornarem o lugar do meu santuário; e farei glorioso o lugar dos meus pés.

[13]Maise na Liobáine tiocfaidh ag triall ort, giúis agus ailm agus cufróg ar fad le chéile, chun slacht a chur ar láthair mo shanctóra, agus scéimh san áit ar lonnaigh mo chosa.

[14] Também virão a ti, inclinando-se, os filhos dos que te oprimiram; prostrar-se-ão até às plantas dos teus pés todos os que te desdenharam e chamar-te-ão Cidade do SENHOR, a Sião do Santo de Israel.

[14]Tiocfaidh clann lucht an ansmachta ag cromadh síos i do láthair; sléachtfaidh ag do chosa an dream a mba tháir leo thú. Tabharfaidh siad Cathair an Tiarna ort, Síón Neach Naofa Iosrael.

[15] De abandonada e odiada que eras, de modo que ninguém passava por ti, eu te constituirei glória eterna, regozijo, de geração em geração.

[15]In ionad a bheith tréigthe mar a bhí tú, i do chéile a raibh fuath ort agus tú fágtha, déanfaidh mé ábhar mórála díot go deo, cúis ghairdis ó ghlúin go glúin.

[16] Mamarás o leite das nações e te alimentarás ao peito dos reis; saberás que eu sou o SENHOR, o teu Salvador, o teu Redentor, o Poderoso de Jacó.

[16]Diúlfaidh tú bainne na gciníocha, diúlfaidh tú saibhreas na ríthe. Agus tuigfidh tú gur mise an Tiarna is slánaitheoir duit, gurb é Neach Tréan Iacóib d'fhuascailteoir.

[17] Por bronze trarei ouro, por ferro trarei prata, por madeira, bronze e por pedras,

[17]In ionad umha, tabharfaidh mé ór chugat; in ionad iarainn, tabharfaidh mé airgead; in ionad adhmaid, umha; in ionad

ferro; farei da paz os teus inspetores e da justiça, os teus exatores.

[18] Nunca mais se ouvirá de violência na tua terra, de desolação ou ruínas, nos teus limites; mas aos teus muros chamarás Salvação, e às tuas portas, Louvor.

[19] Nunca mais te servirá o sol para luz do dia, nem com o seu resplendor a lua te alumiará; mas o SENHOR será a tua luz perpétua, e o teu Deus, a tua glória.

[20] Nunca mais se porá o teu sol, nem a tua lua minguará, porque o SENHOR será a tua luz perpétua, e os dias do teu luto findarão.

[21] Todos os do teu povo serão justos, para sempre herdarão a terra; serão renovos por mim plantados, obra das minhas mãos, para que eu seja glorificado.

[22] O menor virá a ser mil, e o mínimo, uma nação forte; eu, o SENHOR, a seu tempo farei isso prontamente.

Isaías 61

As boas-novas da salvação

[1] O Espírito do SENHOR Deus está sobre mim, porque o SENHOR me ungiu para pregar boas-novas aos quebrantados, enviou-me a curar os quebrantados de coração, a proclamar libertação aos cativos e a pôr em liberdade os algemados;

cloiche, iarann. Gnó do chuid reachtairí fágfaidh mé ag an tsíocháin, agus feidhm do mhaor ag an bhfíréantacht.

[18]Ní bheidh trácht ar fhoréigean i do dhúiche níos mó, ar scrios ná ar shlad i do chríocha. Goirfidh tú Saoirse do do mhúrthaí.

[19]Ní bheidh an ghrian mar sholas agat feasta sa lá ná loinnir ghealaí le teacht na hoíche. Is é an Tiarna a bheidh agat ina sholas síoraí agus do Dhia ina bharr maise ort.

[20]Ní rachaidh do ghrian faoi go deo arís ná urú ní thiocfaidh ar do ghealach, óir beidh an Tiarna agat mar sholas síoraí agus cuirfear críoch le laethanta do bhróin.

[21]Beidh do mhuintir go léir ina bhfíréin agus seilbh acu ar an tír go deo, ina mbachlóg de chuid plandála an Tiarna, saothar ó mo lámha féin ar mhaithe le mo ghlóir.

[22]An té is lú díobh déanfar míle de, agus cine láidir as an mbaicle bheag. Mise an Tiarna, tá mé tar éis labhairt; in am trátha cuirfidh mé i gcrích é.

Íseáia 61

Gairm an Fháidh

[1]Tá spiorad an Tiarna Dia orm de bhrí go ndearna an Tiarna mé a choisreacan, chun dea-scéala a bhreith liom chuig na dearóile, chun cóir leighis a chur ar chroíthe brúite, chun cead a gcos a fhógairt do na cimí agus fuascailt do phríosúnaigh;

[2] a apregoar o ano aceitável do SENHOR e o dia da vingança do nosso Deus; a consolar todos os que choram

[2]chun bliain logha a fhógairt thar ceann an Tiarna, agus lá díoltais dár nDia; chun sólás a thabhairt do lucht an dobróin

[3] e a pôr sobre os que em Sião estão de luto uma coroa em vez de cinzas, óleo de alegria, em vez de pranto, veste de louvor, em vez de espírito angustiado; a fim de que se chamem carvalhos de justiça, plantados pelo SENHOR para a sua glória.

[3]agus bláthfhleasc in ionad luaithrigh, ola na lúcháire in ionad éide an bhróin, moladh in ionad éadóchais. Goirfear dóibh Crainn na Córa, a chuir an Tiarna i dtalamh ar mhaithe lena ghlóir.

[4] Edificarão os lugares antigamente assolados, restaurarão os de antes destruídos e renovarão as cidades arruinadas, destruídas de geração em geração.

[4]Tógfaidh siad suas arís na fothracha ársa, beidh siad ag foirgniú ar bhallóga an tseanama; deiseoidh siad na cathracha creachta agus na ballóga atá uaigneach leis na cianta.

[5] Estranhos se apresentarão e apascentarão os vossos rebanhos; estrangeiros serão os vossos lavradores e os vossos vinhateiros.

[5]Beidh eachtrannaigh ag buachailleacht bhur dtréada daoibh, agus coimhthígh ag saothrú bhur dtalaimh agus bhur bhfíniúna.

[6] Mas vós sereis chamados sacerdotes do SENHOR, e vos chamarão ministros de nosso Deus; comereis as riquezas das nações e na sua glória vos gloriareis.

[6]Ach goirfear daoibhse sagairt an Tiarna agus tabharfar oraibh lucht freastail ár nDé. Beidh saibhreas na gciníocha agaibh le caitheamh agus a maoin ar fad faoi réir agaibh.

[7] Em lugar da vossa vergonha, tereis dupla honra; em lugar da afronta, exultareis na vossa herança; por isso, na vossa terra possuireis o dobro e tereis perpétua alegria.

[7]Ó tharla go bhfuair mo mhuintir a dhá oiread náire agus gur masla agus magadh a tháinig ar a gcrann, gheobhaidh siad a dhá oiread rathúnais ina dtír féin agus lúcháir shíoraí atá i ndán dóibh.

[8] Porque eu, o SENHOR, amo o juízo e odeio a iniqüidade do roubo; dar-lhes-ei fielmente a sua recompensa e com eles farei aliança eterna.

[8]Óir mise, an Tiarna, is ionúin liom an ceart agus is gráin liom slad agus éagóir. Tabharfaidh mé a luach saothair dóibh go dílis, agus déanfaidh mé conradh síoraí leo.

[9] A sua posteridade será conhecida entre as nações, os seus descendentes, no meio

[9]Beidh cáil ar a sliocht os comhair na gciníocha agus ar shliocht a sleachta i

dos povos; todos quantos os virem os reconhecerão como família bendita do SENHOR.

[10] Regozijar-me-ei muito no SENHOR, a minha alma se alegra no meu Deus; porque me cobriu de vestes de salvação e me envolveu com o manto de justiça, como noivo que se adorna de turbante, como noiva que se enfeita com as suas jóias.

[11] Porque, como a terra produz os seus renovos, e como o jardim faz brotar o que nele se semeia, assim o SENHOR Deus fará brotar a justiça e o louvor perante todas as nações.

Isaías 62

Jerusalém, a noiva do Senhor

[1] Por amor de Sião, me não calarei e, por amor de Jerusalém, não me aquietarei, até que saia a sua justiça como um resplendor, e a sua salvação, como uma tocha acesa.

[2] As nações verão a tua justiça, e todos os reis, a tua glória; e serás chamada por um nome novo, que a boca do SENHOR designará.

[3] Serás uma coroa de glória na mão do SENHOR, um diadema real na mão do teu Deus.

[4] Nunca mais te chamarão Desamparada, nem a tua terra se denominará jamais Desolada; mas chamar-te-ão Minha-Delícia; e à tua terra, Desposada; porque o

measc na náisiún. Admhóidh gach aon dá bhfeiceann iad gur cine iad atá beannaithe ag an Tiarna.

[10]“Gáirim le gairdeas sa Tiarna, tá lúcháir ar m'anam i mo Dhia. Óir chuir sé an slánú umam ina éadach, rinne sé mé a chuachadh i mbrat na fíréantachta, ar nós buachaill óg ag cur bláthfhleasc air chun a phósta nó brídeach á maisiú féin lena seoda.

[11]Óir, mar a chuireann an talamh aníos a gheamhair, ar nós gairdín ag geamhrú ón síolchur, is amhlaidh a chuirfidh an Tiarna Dia aníos mar gheamhar fíréantacht agus moladh i bhfianaise na gciníocha go léir.”

Íseáia 62

Aiséirí Iarúsailéim Arís

[1]Ar mhaithe le Síón ní fhanfaidh mé i mo thost, agus mar gheall ar Iarúsailéim ní mian liom bheith socair, nó go dté a fíréantacht amach mar an maidneachan agus a slánú mar bheadh lóchrann ag lonrú.

[2]Is ann a fheicfidh na ciníocha d'fhíréantacht agus na ríthe uile do ghlóir; agus tabharfar ainm nua ort, ainm a fhógróidh béal an Tiarna féin.

[3]Beidh tú i do choróin taibhseach i láimh an Tiarna, i do cheannbheart ríoga ar bhois do Dhé.

[4]Ní déarfaidh siad Uaigneach leat feasta, ná ní ghairfear Fásach do do dhúiche. Ach is é ainm a bheidh ort féin “Bean mo rúin” agus “an Céile” a bheidh ar do dhúiche.

SENHOR se delicia em ti; e a tua terra se desposará.

[5] Porque, como o jovem desposa a donzela, assim teus filhos te desposarão a ti; como o noivo se alegra da noiva, assim de ti se alegrará o teu Deus.

[6] Sobre os teus muros, ó Jerusalém, pus guardas, que todo o dia e toda a noite jamais se calarão; vós, os que fareis lembrado o SENHOR, não descanseis,

[7] nem deis a ele descanso até que restabeleça Jerusalém e a ponha por objeto de louvor na terra.

[8] Jurou o SENHOR pela sua mão direita e pelo seu braço poderoso: Nunca mais darei o teu cereal por sustento aos teus inimigos, nem os estrangeiros beberão o teu vinho, fruto de tuas fadigas.

[9] Mas os que o ajuntarem o comerão e louvarão ao SENHOR; e os que o recolherem beberão nos átrios do meu santuário.

[10] Passai, passai pelas portas; preparai o caminho ao povo; aterrai, aterrai a estrada, limpai-a das pedras; arvorai bandeira aos povos.

[11] Eis que o SENHOR fez ouvir até às extremidades da terra estas palavras: Dizei à filha de Sião: Eis que vem o teu Salvador;

Óir lig an Tiarna a rún leat agus gheobhaidh do dhúiche é mar chéile.

[5]Díreach mar a phósann ógfhear cailín, is é an Saor féin a phósfaidh thusa; agus mar is cúis ghairdis a chéile don fhear nuaphósta, beidh tú féin i do chúis ghairdis ag do Dhia.

[6]Ar do mhúrtha, a Iarúsailéim, tá lucht faire i gceann poist agam nach dual tost dóibh de lá ná d'oíche; Sibhse a mheabhraíonn ár gcás don Tiarna,

[7]níl sos i ndán daoibh - agus ná tugaigí sos dósan nó go gcuire sé Iarúsailéim ar bun ina duan molta dó go deo ar talamh.

[8]Tá an Tiarna tar éis a mhionn a thabhairt dar a dheasláimh agus dar neart a ghualann: "Ní baol feasta go dtabharfaidh mé do chruithneacht mar bhia do do naimhde. Eachtrannaigh ní ólfaidh níos mó do chuid fíona ar chaith tú do shaothar leis.

[9]Ach an dream a rinne an t-arbhar a tharlú, íosfaidh siad féin é agus molfaidh siad an Tiarna. Is iad lucht cnuasaithe na gcaora fíona a bheidh ag ól i mo chúirteanna beannaithe."

Clabhsúr ar na trí Chaibidil seo

[10]Amach libh, amach trí na geataí! Réitigí bealach do mo mhuintir! Tógaigí tóchar, tógaigí suas é; glanaigí na carraigeacha ar shiúl! Ardaigí an comhartha le haghaidh na gciníocha!

[11]Seo é fógra an Tiarna go críocha na cruinne féin: "Abraigí le hiníon Shíón: Seo chugat d'fhuascailteoir. Tá a luach

vem com ele a sua recompensa, e diante dele, o seu galardão.

[12] Chamar-vos-ão Povo Santo, Remidos-Do-SENHOR; e tu, Sião, serás chamada Procurada, Cidade-Não-Deserta.

saothair leis ina sheilbh agus a chúiteamh á iompar roimhe amach.

[12]Gairfear dóibh Pobal Naofa, Cion Fuascailte an Tiarna, agus duit féin a mbíonn síorthriall ort Cathair nach dtréigtear."

Isaías 63

Deus vinga o seu povo

[1] Quem é este que vem de Edom, de Bozra, com vestes de vivas cores, que é glorioso em sua vestidura, que marcha na plenitude da sua força? Sou eu que falo em justiça, poderoso para salvar.

[2] Por que está vermelho o traje, e as tuas vestes, como as daquele que pisa uvas no lagar?

[3] O lagar, eu o pisei sozinho, e dos povos nenhum homem se achava comigo; pisei as uvas na minha ira; no meu furor, as esmaguei, e o seu sangue me salpicou as vestes e me manchou o traje todo.

[4] Porque o dia da vingança me estava no coração, e o ano dos meus redimidos é chegado.

[5] Olhei, e não havia quem me ajudasse, e admirei-me de não haver quem me sustivesse; pelo que o meu próprio braço me trouxe a salvação, e o meu furor me susteve.

[6] Na minha ira, pisei os povos, no meu furor, embriaguei-os, derramando por terra o seu sangue.

Íseáia 63

Díoltas Dé

[1]Cé hé seo chugainn as Eadóm, as Bozrá agus é dearg ina chuid éadaigh? É i mborr agus i mbláth faoina chulaith, ag céimniú i mbarr a nirt. - Mise atá ann, ag fógairt fíréantachta, mise atá in acmhainn slánaithe!

[2] - Cén fáth gur dearg ar fad atá do chulaith ort, ar nós éadach duine a bheadh ag satailt sa dabhach fíona?

[3] - Phasáil mé an chantaoir i m'aonar; duine de mo mhuintir ní raibh in éindí liom. Mar sin shatail mé orthu agus mo racht feirge orm, agus shiúil mé orthu i gcuthach dom; steall súlach a gcroí ar mo chulaith agus smálaigh mo chuid éadaigh ar fad.

[4]Mar bhí cinnte ar lá an díoltais i mo chroí agam, agus bhí bliain fuascailte mo mhuintire tagtha.

[5]Bhreathnaigh mé timpeall; ní raibh duine le cuidiú liom; agus b'iontach liom nach raibh taca le fáil. Mo lámh féin mar sin a chuidigh liom, agus m'fhearg, is í a rinne taca dom.

[6]Bhasc mé na ciníocha le cuthach, shatail mé orthu le teann feirge, agus sceith mé a súlach amach ar an talamh.

A última oração do profeta

[7] Celebrarei as benignidades do SENHOR e os seus atos gloriosos, segundo tudo o que o SENHOR nos concedeu e segundo a grande bondade para com a casa de Israel, bondade que usou para com eles, segundo as suas misericórdias e segundo a multidão das suas benignidades.

[8] Porque ele dizia: Certamente, eles são meu povo, filhos que não mentirão; e se lhes tornou o seu Salvador.

[9] Em toda a angústia deles, foi ele angustiado, e o Anjo da sua presença os salvou; pelo seu amor e pela sua compaixão, ele os remiu, os tomou e os conduziu todos os dias da antiguidade.

[10] Mas eles foram rebeldes e contristaram o seu Espírito Santo, pelo que se lhes tornou em inimigo e ele mesmo pelejou contra eles.

[11] Então, o povo se lembrou dos dias antigos, de Moisés, e disse: Onde está aquele que fez subir do mar o pastor do seu rebanho? Onde está o que pôs nele o seu Espírito Santo?

[12] Aquele cujo braço glorioso ele fez andar à mão direita de Moisés? Que fendeu as águas diante deles, criando para si um nome eterno?

[13] Aquele que os guiou pelos abismos, como o cavalo no deserto, de modo que nunca tropeçaram?

[14] Como o animal que desce aos vales, o Espírito do SENHOR lhes deu descanso.

Salm

[7]Is mian liom comharthaí caoindúthrachta an Tiarna a aithris, agus éachtaí an Tiarna a fhógairt, gach a ndearna an Tiarna ar ár son agus a iolmhaitheasa i leith teaghlach Iosrael, gach ar bhronn sé orthu le barr dáimhe agus ilchomharthaí a chaoindúthrachta.

[8]Dúirt sé: “Cinnte is iad mo mhuintir iad, mo chlann mhac nach dual dóibh bréag.” Agus bhí sé ina shlánaitheoir acu

[9]ina dtrioblóidí go léir. Ní teachtaire ná aingeal ach é féin a scaoil saor iad. Le teann grá agus trua d'fhuascail sé féin iad; thóg sé suas agus d'iompair iad sna laethanta sin uile analló.

[10]Ach d'éirigh siad amach ina choinne agus chuir brón ar a spiorad naofa. Is leis sin a d'iompaigh sé ina namhaid dóibh agus chuir sé cogadh orthu é féin.

[11]Ansin chuimhnigh siad ar na laethanta a bhí agus ar Mhaois a thug a mhuintir chun saoirse: Cá bhfuil an té úd a thug aníos ón muir iad féin agus tréadaí a thréada? Cá bhfuil an té a chuir isteach ann a spiorad naofa;

[12]a chuir a chumhacht ghlórmhar uaidh ag gluaiseacht ar dheasláimh Mhaois; a scoilt na huiscí ó chéile rompu chun ainm síoraí a bhaint amach dó féin;

[13]a stiúraigh iad tríd an duibheagán chomh réidh le capall ar an machaire fiáin,

[14]gan tuisliú ach oiread le heallach ag druidim síos bun gleanna, agus spiorad an Tiarna á seoladh chun suaimhnis. Is

Assim, guiaste o teu povo, para te criares um nome glorioso.

amhlaidh sin a threoraigh tú do mhuintir chun clú agus mórcháil a thuilleamh duit féin.

[15] Atenta do céu e olha da tua santa e gloriosa habitação. Onde estão o teu zelo e as tuas obras poderosas? A ternura do teu coração e as tuas misericórdias se detêm para comigo!

[15]Breathnaigh anuas ó na flaithis agus féach, ó arda na naofachta agus na glóire mar a bhfuil do chónaí. Cá bhfuil do dhíbheirg agus do ghaisce, do theasghrá agus do thrócaire chugainn? Ná seas i leataobh uainn

[16] Mas tu és nosso Pai, ainda que Abraão não nos conhece, e Israel não nos reconhece; tu, ó SENHOR, és nosso Pai; nosso Redentor é o teu nome desde a antiguidade.

[16]óir is tusa ár n-athair, cé nach n-aithníonn Abrahám sinn agus nach cuimhin le hIosrael sinn níos mó. Tusa, a Thiarna, is athair dúinn; ár bhfuascailteoir, is é sin d'ainm riamh anall.

[17] Ó SENHOR, por que nos fazes desviar dos teus caminhos? Por que endureces o nosso coração, para que te não temamos? Volta, por amor dos teus servos e das tribos da tua herança.

[17]Cén fáth, a Thiarna, a bhfuil muid ar seachrán agat i bhfad ó do shlite, agus ár gcroíthe á gcruachan ionas nach eagal leo thú níos mó? Fill ar ais ar son do sheirbhíseach, ar son treibheanna d'oidhreachta.

[18] Só por breve tempo foi o país possuído pelo teu santo povo; nossos adversários pisaram o teu santuário.

[18]Cén fáth ar sháraigh lucht an oilc do shanctóir, cén fáth ar shatail ár naimhde ar do scrín?

[19] Tornamo-nos como aqueles sobre quem tu nunca dominaste e como os que nunca se chamaram pelo teu nome.

[19]Is fada nach beo dúinn faoi do réir, ionann agus nárbh é d'ainmse atá orainn.

Isaías 64

Íseáia 64

[1] Oh! Se fendesses os céus e descesses! Se os montes tremessem na tua presença,

[1]Och, dá roisfeá na flaithis ó chéile agus teacht anuas, ag cur na sléibhte ar crith os do chomhair,

[2] como quando o fogo inflama os gravetos, como quando faz ferver as águas, para fazeres notório o teu nome aos teus

[2]mar a lasann tine ina bladhaire trí bhrosna, mar a chuireann tine uisce ag fiuchadh; ansin bheadh aithne ag do

adversários, de sorte que as nações tremessem da tua presença!

3 Quando fizeste coisas terríveis, que não esperávamos, desceste, e os montes tremeram à tua presença.

4 Porque desde a antiguidade não se ouviu, nem com ouvidos se percebeu, nem com os olhos se viu Deus além de ti, que trabalha para aquele que nele espera.

5 Sais ao encontro daquele que com alegria pratica justiça, daqueles que se lembram de ti nos teus caminhos; eis que te iraste, porque pecamos; por muito tempo temos pecado e havemos de ser salvos?

6 Mas todos nós somos como o imundo, e todas as nossas justiças, como trapo da imundícia; todos nós murchamos como a folha, e as nossas iniqüidades, como um vento, nos arrebatam.

7 Já ninguém há que invoque o teu nome, que se desperte e te detenha; porque escondes de nós o rosto e nos consomes por causa das nossas iniqüidades.

[13]Féach, tá sé ag teannadh chun tosaigh ar nós na néalta, is cosúil le camghaoth a charbaid, is mire a eachra ná iolair, is mairg dúinn, táimid caillte!

[14]Nigh do chroí ó urchóid ionas go sábháilfear thú, a Iarúsailéim. Cá fhad a lonnfaidh i do chroí do smaointe mailíseacha?

[15]Óir foilsíonn guth as Dán, ag faisnéis ainnise ó shléibhte Eafráim.

[16]Fógair a theacht le Iúdá, abair é in Iarúsailéim: ‘Tá [naimhde] ag teacht as an imigéin; ardaíonn siad a ngáir chatha in aghaidh bailte Iúdá.

[17]Tá siad timpeall Iarúsailéim agus máguaird fearacht lucht coimhéadta goirt, de bhrí go raibh sí easumhal domsa - an Tiarna a labhraíonn.

[18]Thug d'iompar féin agus do ghníomhartha na nithe seo ort. Is í seo do chinniúint, agus is searbh í. Cé mar a shroicheann sé do chroí istigh!”

[19]Tá mé faoi chrá. Tá mé ag lúbarnaíl le pian. Á, ballaí mo chroí! - Tá mo chroí á

coração! Meu coração se agita! Não posso calar-me, porque ouves, ó minha alma, o som da trombeta, o alarido de guerra.

[20] Golpe sobre golpe se anuncia, pois a terra toda já está destruída; de súbito, foram destruídas as minhas tendas; num momento, as suas lonas.

[21] Até quando terei de ver a bandeira, terei de ouvir a voz da trombeta?

[22] Deveras, o meu povo está louco, já não me conhece; são filhos néscios e não inteligentes; são sábios para o mal e não sabem fazer o bem.

[23] Olhei para a terra, e ei-la sem forma e vazia; para os céus, e não tinham luz.

[24] Olhei para os montes, e eis que tremiam, e todos os outeiros estremeciam.

[25] Olhei, e eis que não havia homem nenhum, e todas as aves dos céus haviam fugido.

[26] Olhei ainda, e eis que a terra fértil era um deserto, e todas as suas cidades estavam derribadas diante do SENHOR, diante do furor da sua ira.

[27] Pois assim diz o SENHOR: Toda a terra será assolada; porém não a consumirei de todo.

[28] Por isso, a terra pranteará, e os céus acima se enegrecerão; porque falei, resolvi e não me arrependo, nem me retrato.

shníomh. Ní fhéadaim gan labhairt, óir chuala mé fuaim an stoic agus dreasú an chatha.

[20]Níl de scéala ach anachain ar muin anachaine; déantar fásach den dúiche ar fad; scriostar mo bhothanna go tobann, mo dhídean, in imeacht nóiméid.

[21]Cá fhad a chaithfidh mé an meirge a fheiceáil, agus guth an stoic a cloisteáil?

[22]“Is mar seo atá sé óir tá mo phobal dallaigeanta; níl aithne acu orm. Is clann dúr iad, gan aon cheann orthu. Tá siad glic go leor chun olc a dhéanamh, ach do dhéanamh maitheasa níl tuiscint acu.”

[23]D'fhéach mé ar an talamh, agus ní raibh ann ach folús; ar na spéartha, agus ní raibh solas iontu.

[24]Dhearc mé ar na sléibhte, agus bhíodar ar crith; bhí na harda trí chéile ar bogadh.

[25]D'amharc mé, agus, féach, ní raibh duine ann, agus theith éanlaith uile an aeir.

[26]D'amharc mé, agus, féach, bhí an dúiche choillteach ina fásach, bhí a bailte uile scriosta, i bhfianaise an Tiarna, i bhfianaise a fheirge fíochmhaire.

[27]Óir is mar seo a deir an Tiarna: “Scriosfar an tír ar fad, cuirfidh mise críoch leis den turas deireanach;

[28]Is uime seo a chaoinfidh an talamh agus éireoidh na spéartha thuas dubh. Óir tá sé raite agam, is é atá curtha romham, ní thiocfaidh malairt intinne dom, ní rachaidh mé ar gcúl.”

[29] Ao clamor dos cavaleiros e dos flecheiros, fogem todas as cidades, entram pelas selvas e sobem pelos penhascos; todas as cidades ficam desamparadas, e já ninguém habita nelas.

[30] Agora, pois, ó assolada, por que fazes assim, e te vestes de escarlata, e te adornas com enfeites de ouro, e alargas os olhos com pinturas, se debalde te fazes bela? Os amantes te desprezam e procuram tirar-te a vida.

[31] Pois ouço uma voz, como de parturiente, uma angústia como da primípara em suas dores; a voz da filha de Sião, ofegante, que estende as mãos, dizendo: Ai de mim agora! Porque a minha alma desfalece por causa dos assassinos.

[29]Leis an scairt: “Marcshlua agus boghdóirí” teitheann an tír ar fad; tugann dream amháin na doirí orthu, dreapann dream eile suas ar na creaga; tréigtear [an tír uile], ní fhágtar duine ann.

[30]Agus tusa, céard tá ar intinn agat a dhéanamh? Bíodh go gcóiríonn tú thú féin faoi scarlóid, go maisíonn thú féin le hornáidí órga, go léiríonn do shúile le dathú, is go díomhaoin a dhéanann tú thú féin sciamhach. Tarcaisníonn d'aos grá thú, is é do bhás a shantaíonn siad.

[31]Cluinimse an screadaíl a dhéanfadh bean ag druidim le clann, íona na mná a bheireann a céad leanbh; is é screadaíl iníon Shíón é, a croí ina béal aici, a lámha uaithi amach: “Uch, a thrua mise! i gceartlár lucht marfa.”

Jeremias 5

Os pecados de Jerusalém e de Judá

[1] Dai voltas às ruas de Jerusalém; vede agora, procurai saber, buscai pelas suas praças a ver se achais alguém, se há um homem que pratique a justiça ou busque a verdade; e eu lhe perdoarei a ela.

[2] Embora digam: Tão certo como vive o SENHOR, certamente, juram falso.

[3] Ah! SENHOR, não é para a fidelidade que atentam os teus olhos? Tu os feriste, e não lhes doeu; consumiste-os, e não quiseram receber a disciplina; endureceram o rosto

Irimia 5

An tIonradh Tuillte

[1]Gabh anonn agus anall trí shráideanna Iarúsailéim, féach anois, agus bíodh a fhios agat, cuardaigh a cearnóga; má éiríonn leat fear a fháil, oiread agus fear a dhéanann an ceart agus a iarrann an fhírinne, tabharfaidh mise ansin maithiúnas di, [a deir an Tiarna].

[2]Ach bíodh go n-abrann siad: “Go maire an Tiarna,” ina dhiaidh sin mionnaíonn siad go bréagach.

[3]A Thiarna, nach é mian do shúl an fhírinne? Bhuail tú iad, ach ní raibh doilíos orthu. Bhasc tú iad, ach níor ghlac siad ceartú. Rinne siad a n-aighthe níos

mais do que uma rocha; não quiseram voltar.

[4] Mas eu pensei: são apenas os pobres que são insensatos, pois não sabem o caminho do SENHOR, o direito do seu Deus.

[5] Irei aos grandes e falarei com eles; porque eles sabem o caminho do SENHOR, o direito do seu Deus; mas estes, de comum acordo, quebraram o jugo e romperam as algemas.

[6] Por isso, um leão do bosque os matará, um lobo dos desertos os assolará, um leopardo estará à espreita das suas cidades; qualquer que sair delas será despedaçado; porque as suas transgressões se multiplicaram, multiplicaram-se as suas perfídias.

[7] Como, vendo isto, te perdoaria? Teus filhos me deixam a mim e juram pelos que não são deuses; depois de eu os ter fartado, adulteraram e em casa de meretrizes se ajuntaram em bandos;

[8] como garanhões bem fartos, correm de um lado para outro, cada um rinchando à mulher do seu companheiro.

[9] Deixaria eu de castigar estas coisas, diz o SENHOR, ou não me vingaria de nação como esta?

[10] Subi vós aos terraços da vinha, destruí-a, porém não de todo; tirai-lhe as gavinhas, porque não são do SENHOR.

crua ná carraig. Dhiúltaigh siad aithrí a dhéanamh.

[4]“Is iad na miondaoine amháin nach bhfuil aon chiall acu,” arsa mise, “mar níl a fhios acu slí an Tiarna, ná reacht a nDé.

[5]Rachaidh mé go dtí na daoine a bhfuil an chumhacht acu agus labharfaidh mé leo, óir beidh a fhios acu sin slí an Tiarna agus reacht a nDé.” Ach bhí an chuing briste, na cuibhreacha réabtha acu siúd freisin.

[6]Sin é an fáth go maraíonn leon as an bhforaois iad, go ndéanann mac tíre an fhásaigh slad orthu, go bhfuil liopard i bhfolach ag faire ar a mbailte; cibé duine a ghabhann amach astu sractar ó chéile é - mar is do-áirithe a gcionta, is ag dul i méid atá a séanadh.

[7]“Cad chuige go maithfinn duit é? Thréig do chlann mhac mé, agus mhionnaigh siad i ndéithe nach déithe iad in aon chor. Choinnigh mé bia leo, agus ghabh siad le hadhaltranas. Ghnáthaigh siad tithe na meirdreach.

[8]Bhíodar ina staileanna macnasacha, iad beathaithe, gach aon duine acu ag seitreach i ndiaidh bean a chomharsan.

[9]An é nach smachtóidh mise iad mar gheall ar na nithe sin - an Tiarna a labhraíonn - nach n-agróidh mise mo dhíoltas ar a leithéid seo de náisiún?

[10]Dreapaigí suas ar a sraitheanna: Scriosaigí! Críochnaígí ar fad í! Bainigí anuas di a briongláin, ní leis an Tiarna iad.

[11] Porque perfidamente se houveram contra mim, a casa de Israel e a casa de Judá, diz o SENHOR.

[12] Negaram ao SENHOR e disseram: Não é ele; e: Nenhum mal nos sobrevirá; não veremos espada nem fome.

[13] Até os profetas não passam de vento, porque a palavra não está com eles, as suas ameaças se cumprirão contra eles mesmos.

[14] Portanto, assim diz o SENHOR, o Deus dos Exércitos: Visto que proferiram eles tais palavras, eis que converterei em fogo as minhas palavras na tua boca e a este povo, em lenha, e eles serão consumidos.

[15] Eis que trago sobre ti uma nação de longe, ó casa de Israel, diz o SENHOR; nação robusta, nação antiga, nação cuja língua ignoras; e não entendes o que ela fala.

[16] A sua aljava é como uma sepultura aberta; todos os seus homens são valentes.

[17] Comerão a tua sega e o teu pão, os teus filhos e as tuas filhas; comerão as tuas ovelhas e o teu gado; comerão a tua vide e a tua figueira; e com a espada derribarão as tuas cidades fortificadas, em que confias.

[18] Contudo, ainda naqueles dias, diz o SENHOR, não vos destruirei de todo.

[19] Quando disserem: Por que nos fez o SENHOR, nosso Deus, todas estas coisas? Então, lhes responderás: Como vós me deixastes e servistes a deuses estranhos na

[11]Go deimhin is go fealltach a d'fheall sí orm, an teach seo Iosrael - an Tiarna a labhraíonn.

[12]Shéan siad an Tiarna; dúirt siad: ‘Ní dhéanfaidh sé dada; ní thiocfaidh aon olc chugainn, claíomh ná gorta ní fheicfimid.

[13]Níl na fáithe ach ag cur gaoithe, níl an briathar iontu.’

[14]Ar an ábhar sin - a deir an Tiarna, Dia na Slua - Is mar seo a dhéanfar leo as ucht é sin a rá: déanfaidh mise m'fhocail ina thine ar do bhéal, agus an pobal seo ina bhrosna, le go loscfaidh an tine iad.

[15]Tabharfaidh mé anois oraibh uile, cine ón imigéin a theach Iosrael - is é an Tiarna a labhraíonn - is náisiún dochloíte é, náisiún seanda, náisiún nach aithnid duitse a theanga, ní thuigeann tú focal a deir siad.

[16]Tá a mbolgán saighead amhail uaigh oscailte; is laochra cróga iad uile.

[17]Slogfaidh siad an fómhar agat agus an t-arán, slogfaidh siad do mhic agus d'iníonacha, slogfaidh do thréada agus do shealbháin, d'fhíniúna agus do chrainn figí, scriosfaidh siad do bhailte daingne ina bhfuil do dhóchas.

[18]“Ach sna laethanta sin féin - an Tiarna a labhraíonn - ní scriosfaidh mé ar fad sibh.

[19]Agus nuair a déarfaidh siad: ‘Cad chuige a ndearna an Tiarna, ár nDia, na nithe seo linn? ’ freagróidh tusa mar seo iad: ‘Faoi mar a thréig sibhse mise agus a rinne sibh

vossa terra, assim servireis a estrangeiros, em terra que não é vossa.

fónamh do dhéithe iasachta ar bhur dtailte féin, mar an gcéanna caithfidh sibh fónamh do dhaoine iasachta i ndúiche nach libh féin.' "

Gorta

[20] Anunciai isto na casa de Jacó e fazei-o ouvir em Judá, dizendo:

[20]Foilsígí é seo i dteach Iacóib, fógair é in Iúdá, á rá:

[21] Ouvi agora isto, ó povo insensato e sem entendimento, que tendes olhos e não vedes, tendes ouvidos e não ouvis.

[21]"Éistigí seo anois, a phobal dallintinneach gan tuiscint, - ag a bhfuil súile agus nach bhfeiceann, cluasa agus nach gcluineann.

[22] Não temereis a mim? – diz o SENHOR; não tremereis diante de mim, que pus a areia para limite do mar, limite perpétuo, que ele não traspassará? Ainda que se levantem as suas ondas, não prevalecerão; ainda que bramem, não o traspassarão.

[22]Nach bhfuil aon eagla oraibh romhamsa? - an Tiarna a labhraíonn - An é nach gcreathnóidh sibh i mo láthairse, mise a chuir an gaineamh ina theorainn don fharraige, ina chlaí buan nach bhfuil aon dul thairis; tiomáineann na tonnta ach ní bheireann bua, tonngháireann siad, níl dul thairis acu.

[23] Mas este povo é de coração rebelde e contumaz; rebelaram-se e foram-se.

[23]Ach tá croí ainrianta, easumhal ag an bpobal seo; d'éirigh siad amach - is maith chuige sin iad!

[24] Não dizem a eles mesmos: Temamos agora ao SENHOR, nosso Deus, que nos dá a seu tempo a chuva, a primeira e a última, que nos conserva as semanas determinadas da sega.

[24]Ní dúirt siad ina gcroí: 'Seo anois, bíodh eagla an Tiarna, ár nDia orainn; tugann sé fearthainn go luath, agus go déanach gach bliain go tráthúil, coimeádann dúinn seachtainí cinnte an fhómhair.'

[25] As vossas iniqüidades desviam estas coisas, e os vossos pecados afastam de vós o bem.

[25]Thóg bhur gcionta nithe maithe uaibh, ghiorraigh bhur bpeacaí na fabhair seo.

[26] Porque entre o meu povo se acham perversos; cada um anda espiando, como espreitam os passarinheiros; como eles, dispõem armadilhas e prendem os homens.

[26]Is ea, tá drochdhaoine le fáil i measc mo phobail; spréann siad a líonta; fearacht éanairí cuireann siad dol, agus gabhann daoine.

[27] Como a gaiola cheia de pássaros, são as suas casas cheias de fraude; por isso, se tornaram poderosos e enriqueceram.

[28] Engordam, tornam-se nédios e ultrapassam até os feitos dos malignos; não defendem a causa, a causa dos órfãos, para que prospere; nem julgam o direito dos necessitados.

[29] Não castigaria eu estas coisas? – diz o SENHOR; não me vingaria eu de nação como esta?

[30] Coisa espantosa e horrenda se anda fazendo na terra:
[31] os profetas profetizam falsamente, e os sacerdotes dominam de mãos dadas com eles; e é o que deseja o meu povo. Porém que fareis quando estas coisas chegarem ao seu fim?

Jeremias 6

Jerusalém será sitiada

[1] Fugi, filhos de Benjamim, do meio de Jerusalém; tocai a trombeta em Tecoa e levantai o facho sobre Bete-Haquerém, porque do lado do Norte surge um grande mal, uma grande calamidade.
[2] A formosa e delicada, a filha de Sião, eu deixarei em ruínas.
[3] Contra ela virão pastores com os seus rebanhos; levantarão suas tendas em redor, e cada um apascentará no seu devido lugar.
[4] Preparai a guerra contra ela, disponde-vos, e subamos ao meio-dia. Ai de nós, que

[27]Mar a bheadh cliabhán ann lán d'éanlaith amhlaidh sin tá a dtithe lán de chreach; d'éirigh siad mór agus saibhir dá bharr,
[28]d'éirigh siad méith agus sleamhain. Go deimhin níl teorainn leo le holcas, níl meas acu ar an gceart, ní trua leo cás an dílleachta, cúis na mbocht, ní chosnaíonn siad.
[29]An é nach gcaithfidh mé nithe dá shórt a chúiteamh leo - an Tiarna a labhraíonn - ná mo dhíoltas a agairt ar a leithéid seo de náisiún?"
[30]Tá nithe aduafara, uafásacha á ndéanamh sa tír;
[31]tairngreann na fáithe go bréagach, teagascann na sagairt ar a gcomhairle féin. Agus is maith le mo phobal é. Ach i ndeireadh na cúise, céard a dhéanfaidh sibh?

Irimia 6

Tuilleadh faoin Ionradh

[1]Teithigí le bhur n-anam a chlann Bhiniáimin as lár Iarúsailéim Séidigí an stoc i dTeacóa, ardaígí bratach i mBéit hac Ceirim! Óir tá tubaiste ag bagairt as an Tuaisceart, díobháil mhór.
[2]An gcuirfimid iníon Shíón i gcomparáid le féarach cumhra?

[3]Tagann aoirí lena dtréada ina coinne. Shuíodar a mbothanna timpeall uirthi. Tá gach fear acu ag iníor ina rogha ceapach.

[4]"Gléasaigí cath uirthi! Faoi airm! Déanaimis ionsaí uirthi i lár an lae ghil,"

já declina o dia, já se vão estendendo as sombras da tarde!

5 Disponde-vos, e subamos de noite e destruamos os seus castelos.

6 Porque assim diz o SENHOR dos Exércitos: Cortai árvores e levantai tranqueiras contra Jerusalém. Esta é a cidade que há de ser punida; só opressão há no meio dela.

7 Como o poço conserva frescas as suas águas, assim ela, a sua malícia; violência e estrago se ouvem nela; enfermidade e feridas há diante de mim continuamente.

8 Aceita a disciplina, ó Jerusalém, para que eu não me aparte de ti; para que eu não te torne em assolação e terra não habitada.

As iniquidades de Jerusalém são a causa de sua queda

9 Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Diligentemente se rebuscarão os resíduos de Israel como uma vinha; vai metendo a mão, como o vindimador, por entre os sarmentos.

10 A quem falarei e testemunharei, para que ouçam? Eis que os seus ouvidos estão incircuncisos e não podem ouvir; eis que a palavra do SENHOR é para eles coisa vergonhosa; não gostam dela.

11 Pelo que estou cheio da ira do SENHOR; estou cansado de a conter. Derramá-la-ei sobre as crianças pelas ruas e nas reuniões de todos os jovens; porque até o marido

"rí mhairg dúinne! Tá an lá ag imeacht tharainn, tá néalta nóna ag síneadh."

5"Faoi airm! Déanfaimid ionsaí faoi oíche agus scriosfaimid a pháláis."

6Óir is mar seo a deir Tiarna na Slua: "Gearraigí síos na crainn, tógaigí móta in aghaidh Iarúsailéim; is í Cathair na mBréag í, gan inti ina lár ach leatrom.

7Amhail mar a choinníonn tobar a uisce úr, coinníonn sise a mailís úr. Foréigean agus milleadh a bhíonn le clos inti; i mo fhianaise i gcónaí bíonn galair agus cneácha.

8Gabhsa rabhadh, a Iarúsailéim, ar eagla go n-iompóinn uait, agus fásach a dhéanamh díot, tír gan áitritheoirí.

9Is mar seo a deir Tiarna na Slua: "Deasc fuíoll Iosrael, deasc é mar a dhéanfá le fíniúin; mar a dhéanfadh an fómharaí fíonchaor, cuir do lámh arís sna craobhacha."

10Cé leis a labhróidh mise, cé dhó a dtabharfaidh mé rabhadh le go gcluine siad? Is follas go bhfuil a gcluasa dúnta, ní fhéadann siad éisteacht. Is follas gur suarach leo briathar an Tiarna, níl dúil acu ann.

11Tá mé lán d'fhearg an Tiarna táim tuirseach de bheith á coinneáil istigh. "Doirt amach mar sin é ar na leanaí sa tsráid, agus ar oireachtas na n-ógfhear in éineacht. Tógfar uile iad: an fear agus an

com a mulher serão presos, e o velho, com o decrépito.

[12] As suas casas passarão a outrem, os campos e também as mulheres, porque estenderei a mão contra os habitantes desta terra, diz o SENHOR,

[13] porque desde o menor deles até ao maior, cada um se dá à ganância, e tanto o profeta como o sacerdote usam de falsidade.

[14] Curam superficialmente a ferida do meu povo, dizendo: Paz, paz; quando não há paz.

[15] Serão envergonhados, porque cometem abominação sem sentir por isso vergonha; nem sabem que coisa é envergonhar-se. Portanto, cairão com os que caem; quando eu os castigar, tropeçarão, diz o SENHOR.

[16] Assim diz o SENHOR: Ponde-vos à margem no caminho e vede, perguntai pelas veredas antigas, qual é o bom caminho; andai por ele e achareis descanso para a vossa alma; mas eles dizem: Não andaremos.

[17] Também pus atalaias sobre vós, dizendo: Estai atentos ao som da trombeta; mas eles dizem: Não escutaremos.

[18] Portanto, ouvi, ó nações, e informa-te, ó congregação, do que se fará entre eles!

[19] Ouve tu, ó terra! Eis que eu trarei mal sobre este povo, o próprio fruto dos seus

bhean, an seanóir liath agus an té atá lán de laethanta.

[12]Fágfar faoi dhaoine eile a dtithe, a bhfearann agus a mná in éineacht. Sínfidh mise amach mo lámh ar dhúchasaigh na tíre seo - an Tiarna a labhraíonn.

[13]Santaíonn gach aon díobh an brabach mí-ionraic, ón té is lú go dtí an té is mó; an sagart agus an fáidh araon, déanann siad uile bearta bréagacha.

[14]Is gan mhairg a chóiríonn siad créacht mo phobail, á rá: ‘Síocháin! Síocháin! ’, ach níl aon síocháin ann.

[15]Náire ba chóir a bheith orthu mar gheall ar a n-imeachtaí gránna. Beag an baol! Níl ciall do náire acu, ní mó is féidir leo lasadh. Ar an ábhar sin mar a thiteann daoine eile, titfidh siadsan freisin; teilgfear anuas iad nuair a thiocfaidh mise ar cuairt acu - a deir an Tiarna.”

[16]Is mar seo a deir an Tiarna: “Seasaigí i mbealaí an tseansaoil cuirigí tuairisc na seanchasán cé acu ab ea an tslí mhaith? Siúlaigí inti ansin agus gheobhaidh sibh suaimhneas. Ach dúirt siadsan: ‘Ní shiúlfaimid inti.’

[17]Chuir mé fir faire ar mhaithe leo: éistigí le glor an stoic! Ach dúirt siadsan: ‘Ní éisteoimid.’

[18]Cluinigí mar sin, a chiníocha, bíodh a fhios agaibh, a oireachtais, céard tá i ndán dóibh.

[19]Éist, a thalaimh, táim ag breith tubaiste ar an bpobal seo: de bhrí nár éist siad le

pensamentos; porque não estão atentos às minhas palavras e rejeitam a minha lei.

[20] Para que, pois, me vem o incenso de Sabá e a melhor cana aromática de terras longínquas? Os vossos holocaustos não me são aprazíveis, e os vossos sacrifícios não me agradam.

[21] Portanto, assim diz o SENHOR: Eis que ponho tropeços a este povo; neles cairão pais e filhos juntamente; o vizinho e o seu companheiro perecerão.

O inimigo do Norte

[22] Assim diz o SENHOR: Eis que um povo vem da terra do Norte, e uma grande nação se levanta dos confins da terra.

[23] Trazem arco e dardo; eles são cruéis e não usam de misericórdia; a sua voz ruge como o mar, e em cavalos vêm montados, como guerreiros em ordem de batalha contra ti, ó filha de Sião.

[24] Ao ouvirmos a sua fama, afrouxam-se as nossas mãos, angústia nos toma e dores como de parturiente.

[25] Não saias ao campo, nem andes pelo caminho, porque o inimigo tem espada, e há terror por todos os lados.

[26] Ó filha do meu povo, cinge-te de cilício e revolve-te na cinza; pranteia como por filho único, pranto de amarguras; porque, de súbito, virá o destruidor sobre nós.

O trabalho inútil de Jeremias

mo bhriathra, agus, maidir le mo reacht, dhiúltaigh siad dó.

[20]Nach cuma liomsa túis anall ó Sheabá, nó giolcóg chumhra ón imigéin? Ní taitneamhach bhur n-ofrálacha loiscthe, ní milis liom bhur n-íobairtí.

[21]Dá bhrí sin - mar seo a deir an Tiarna: ‘Cuirfidh mé cip thuislithe roimh an bpobal seo le go dtitfidh siad orthu; an t-athair agus an mac in éineacht, an chomharsa agus an cara, caillfear iad uile.’ ”

[22]Is mar seo a deir an Tiarna: “Anois tá cine ag teacht ón tír thuaidh, ó chríocha imigéiniúla na talún gluaiseann náisiún mór;

[23]tá bogha agus gath i ngreim acu, tá siad cruálach, míthrócaireach; is cosúil a bhfuaim le búiríl na farraige; tá siad ag marcaíocht ar eachra, tá gach fear acu in eagar catha i d'aghaidhse, a iníon Shíón.

[24]Chualamar an scéala; titeann ár lámha go faonlag, rug doigh greim orainn, pian mar a bheadh ag bean le híona.

[25]Ná himígí amach faoin tuath, ná siúlaigí ar na bóithre, óir tá claíomh an namhad ann, agus scanradh ar gach aon taobh.

[26]Crioslaigh thú féin i sacéadach, ó a iníon mo dhaoine, únfairtigh thú féin i luaithreach, déan olagón mar a dhéanfá ar son aonmhic, caoineadh róghéar. Óir tá an scriosadóir ag teacht go tobann orainn.

[27] Qual acrisolador te estabeleci entre o meu povo, qual fortaleza, para que venhas a conhecer o seu caminho e o examines.
[28] Todos eles são os mais rebeldes e andam espalhando calúnias; são bronze e ferro, são todos corruptores.

[29] O fole bufa, só chumbo resulta do seu fogo; em vão continua o depurador, porque os iníquos não são separados.

[30] Prata de refugo lhes chamarão, porque o SENHOR os refugou.

[27]Cheap mé thú i do mheisiúnóir ar mo phobal, le go mbeadh a fhios agat agus go meisiúnófá a n-iompar.

[28]Is tréigtheoirí ceanndána iad uile, ag siúl rompu le lucht tromaíochta.

[29]Séideann na boilg go fíochmhar go ndéana an tine an luaidhe a dhó. Is díomhaoin don fhear leáite a shaothar, ní ghlantar an conamar as.

[30]Airgead diúltaithe a thugtar orthu, agus go deimhin dhiúltaigh an Tiarna dóibh!”

Jeremias 7

O templo não protege a nação iníqua

[1] Palavra que da parte do SENHOR foi dita a Jeremias:
[2] Põe-te à porta da Casa do SENHOR, e proclama ali esta palavra, e dize: Ouvi a palavra do SENHOR, todos de Judá, vós, os que entrais por estas portas, para adorardes ao SENHOR.
[3] Assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Emendai os vossos caminhos e as vossas obras, e eu vos farei habitar neste lugar.
[4] Não confieis em palavras falsas, dizendo: Templo do SENHOR, templo do SENHOR, templo do SENHOR é este.
[5] Mas, se deveras emendardes os vossos caminhos e as vossas obras, se deveras praticardes a justiça, cada um com o seu próximo;

[6] se não oprimirdes o estrangeiro, e o órfão, e a viúva, nem derramardes sangue

Irimia 7

FíorAdhradh

[1]An briathar a tháinig go Irimia ón Tiarna, mar seo a ghabh sé:
[2]“Téigh agus seas i ngeata Theampall an Tiarna agus fógair an teachtaireacht seo. Abair: Éistigí le briathar an Tiarna, a fheara uile Iúdá, a thagann isteach sna geataí seo chun an Tiarna a adhradh.
[3]Is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: Leasaigí bhur n-iompar agus bhur ngníomhartha agus fanfaidh mise libh san áit seo.
[4]Ná taobhaigí leis na briathra mealltacha seo: Seo é sanctóir an Tiarna, sanctóir an Tiarna, sanctóir an Tiarna!

[5]Ach má leasaíonn sibh bhur n-iompar agus bhur ngníomhartha, má chaitheann sibh go cothrom lena chéile,

[6]gan sochar a bhaint as an strainséir, an dílleachta agus an bhaintreach (agus gan fuil neamhchiontach a dhoirteadh san áit

inocente neste lugar, nem andardes após outros deuses para vosso próprio mal,

[7] eu vos farei habitar neste lugar, na terra que dei a vossos pais, desde os tempos antigos e para sempre.

[8] Eis que vós confiais em palavras falsas, que para nada vos aproveitam.

[9] Que é isso? Furtais e matais, cometeis adultério e jurais falsamente, queimais incenso a Baal e andais após outros deuses que não conheceis,

[10] e depois vindes, e vos pondes diante de mim nesta casa que se chama pelo meu nome, e dizeis: Estamos salvos; sim, só para continuardes a praticar estas abominações!

[11] Será esta casa que se chama pelo meu nome um covil de salteadores aos vossos olhos? Eis que eu, eu mesmo, vi isto, diz o SENHOR.

[12] Mas ide agora ao meu lugar que estava em Siló, onde, no princípio, fiz habitar o meu nome, e vede o que lhe fiz, por causa da maldade do meu povo de Israel.

[13] Agora, pois, visto que fazeis todas estas obras, diz o SENHOR, e eu vos falei, começando de madrugada, e não me ouvistes, chamei-vos, e não me respondestes,

[14] farei também a esta casa que se chama pelo meu nome, na qual confiais, e a este lugar, que vos dei a vós outros e a vossos pais, como fiz a Siló.

seo), gan dul i ndiaidh déithe eile chun bhur ndochair féin,

[7]más ea, fanfaidh mise libh sa dúiche a thug mise anallód do bhur n-aithreacha go brách.

[8]Ach seo sibh ag cur muiníne i mbriathra mealltacha gan tairbhe.

[9]An ndéanfaidh sibh goid, an ea, agus marú, adhaltranas, agus mionna bréige a thabhairt, agus túis a loscadh do Bhál, agus imeacht i ndiaidh déithe eile nach fios daoibh?

[10]Agus ansin teacht agus seasamh i mo láthair sa Teampall seo a ghairtear i m'ainm, agus a rá: Anois táimid slán sábháilte - sábháilte chun leanacht de dhéanamh na gráiniúlachta seo uile!

[11]An Teampall seo a ghairtear i m'ainmse, an bhfuil sé ina phrochóg ladrann dar libhse? Ach ní dall atá mise - is é an Tiarna a labhraíonn.

[12]“Téigí anois don ionad liom a bhí i Sileo, áit ar shuigh mé m'ainm an chéad uair; féachaigí céard a rinne mé i ndíol olc mo phobail Iosrael.

[13]Agus anois, de bhrí go ndearna sibh na peacaí seo uile - an Tiarna a labhraíonn - agus gur dhiúltaigh sibh éisteacht nuair a labhair mé go moch agus go mall, agus nár fhreagair sibh nuair a ghlaoigh mé oraibh,

[14]uime sin déanfaidh mé leis an Teampall seo a ghairtear i m'ainm, ina bhfuil bhur muinín, agus leis an áit a thug mé daoibh agus do bhur n-aithreacha, mar do rinne mé le Sileo.

[15] Lançar-vos-ei da minha presença, como arrojei a todos os vossos irmãos, a toda a posteridade de Efraim.

A intercessão do profeta não salvará o povo rebelde

[16] Tu, pois, não intercedas por este povo, nem levantes por ele clamor ou oração, nem me importunes, porque eu não te ouvirei.

[17] Acaso, não vês tu o que andam fazendo nas cidades de Judá e nas ruas de Jerusalém?

[18] Os filhos apanham a lenha, os pais acendem o fogo, e as mulheres amassam a farinha, para se fazerem bolos à Rainha dos Céus; e oferecem libações a outros deuses, para me provocarem à ira.

[19] Acaso, é a mim que eles provocam à ira, diz o SENHOR, e não, antes, a si mesmos, para a sua própria vergonha?

[20] Portanto, assim diz o SENHOR Deus: Eis que a minha ira e o meu furor se derramarão sobre este lugar, sobre os homens e sobre os animais, sobre as árvores do campo e sobre os frutos da terra; arderá e não se apagará.

A mera multiplicação dos sacrifícios é debalde

[21] Assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Ajuntai os vossos holocaustos aos vossos sacrifícios e comei carne.

[22] Porque nada falei a vossos pais, no dia em que os tirei da terra do Egito, nem lhes ordenei coisa alguma acerca de holocaustos ou sacrifícios.

[15]Teilgfidh mé as mo radharc sibh, mar a theilg mé bhur ndeartháireacha uile, síol Eafráim ar fad.

[16]“Agus thusa, ná guighse ar son na ndaoine seo, ná tóg achainí ná urnaí ar a son; ná cuir impí ormsa, mar ní éisteoidh mé leat.

[17]Nach bhfeiceann tú céard tá á dhéanamh acu i mbailte Iúdá agus i sráideanna Iarúsailéim?

[18]Cruinníonn na leanaí brosna, deargann na haithreacha an tine, suaitheann na mná an taos le cácaí a dhéanamh do bhanríon neimhe; agus, le holc ormsa, doirteann siad amach ofrálacha dlí do dhéithe eile.

[19]An ormsa dáiríre a dhéanann siad a n-olc - an Tiarna a labhraíonn - nach orthu féin go deimhin a dhéanann siad sin, á mearú féin?

[20]Dá bhrí sin, is mar seo a deir an Tiarna Dia: Doirtfear mo fhearg agus mo chuthach ar an áit seo, ar dhuine agus ar ainmhí, ar chrainn na tuaithe agus ar thorthaí na talún; loscfaidh sé agus ní mhúchfar é.”

[21]Is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: “Cuirigí bhur n-ofrálacha loiscthe i gcionn bhur n-íobairtí agus ithigí an fheoil ar fad.

[22]Óir níor labhair mise ná níor thug mise aon ordú dóibh i dtaobh ofrálacha ná íobairtí an t-am ar thug mé bhur n-aithreacha as talamh na hÉigipte.

[23] Mas isto lhes ordenei, dizendo: Dai ouvidos à minha voz, e eu serei o vosso Deus, e vós sereis o meu povo; andai em todo o caminho que eu vos ordeno, para que vos vá bem.

[24] Mas não deram ouvidos, nem atenderam, porém andaram nos seus próprios conselhos e na dureza do seu coração maligno; andaram para trás e não para diante.

[25] Desde o dia em que vossos pais saíram da terra do Egito até hoje, enviei-vos todos os meus servos, os profetas, todos os dias; começando de madrugada, eu os enviei.

[26] Mas não me destes ouvidos, nem me atendestes; endurecestes a cerviz e fizestes pior do que vossos pais.

[27] Dir-lhes-ás, pois, todas estas palavras, mas não te darão ouvidos; chamá-los-ás, mas não te responderão.

[28] Dir-lhes-ás: Esta é a nação que não atende à voz do SENHOR, seu Deus, e não aceita a disciplina; já pereceu, a verdade foi eliminada da sua boca.

Judá rejeitado por Deus

[29] Corta os teus cabelos consagrados, ó Jerusalém, e põe-te a prantear sobre os altos desnudos; porque já o SENHOR rejeitou e desamparou a geração objeto do seu furor;

[30] porque os filhos de Judá fizeram o que era mau perante mim, diz o SENHOR; puseram os seus ídolos abomináveis na

[23]Is mar seo a d'ordaigh mé dóibh: Éistigí le mo ghlór, agus beidh mise i mo Dhia agaibhse, agus beidh sibhse in bhur bpobal agamsa. Siúlaigí ar feadh na slí a ordaím daoibh, agus beidh an rath oraibh.

[24]Ach níor éist siad liom ná níor thug siad aird orm; ach lean siad i gcomhairlí a ndrochchroí féin, dhiúltaigh aghaidh a thabhairt orm ach thug liom a gcúl.

[25]Ón lá a tháinig bhur n-aithreacha amach as críoch na hÉigipte go dtí inniu chuir mé chugaibh gan scor, lá i ndiaidh lae, mo sheirbhísigh uile, na fáithe.

[26]Ina dhiaidh sin níor éist siad liom, ná níor thug siad aon aird orm, ach chruaigh siad a muineál. Rinne siad níos measa ná a n-aithreacha.

[27]Ar an ábhar sin déarfaidh tú na briathra seo uile leo, ach ní éistfidh siad sin leat; gairfidh tú orthu, ach ní fhreagróidh siad thú.

[28]Mar sin déarfaidh tú é seo leo: 'Seo é an cine nach n-umhlaíonn do ghuth an Tiarna, a nDia, agus nach ngabhann smacht. D'éag an fhírinne, gearradh amach í óna mbéal.

[29]Gearr díot do thrilse, caith uait iad. Tóg suas caoineadh ar na harda loma. Óir tharcaisnigh an Tiarna, thréig sé, ál a fhuathaíonn sé.'

[30]"Sea, rinne clann mhac Iúdá an rud nach dtaitníonn liom - an Tiarna a labhraíonn -

casa que se chama pelo meu nome, para a contaminarem.

[31] Edificaram os altos de Tofete, que está no vale do filho de Hinom, para queimarem a seus filhos e a suas filhas; o que nunca ordenei, nem me passou pela mente.

[32] Portanto, eis que virão dias, diz o SENHOR, em que já não se chamará Tofete, nem vale do filho de Hinom, mas o vale da Matança; os mortos serão enterrados em Tofete por não haver outro lugar.

[33] Os cadáveres deste povo servirão de pasto às aves dos céus e aos animais da terra; e ninguém haverá que os espante.

[34] Farei cessar nas cidades de Judá e nas ruas de Jerusalém a voz de folguedo e a de alegria, a voz de noivo e a de noiva; porque a terra se tornará em desolação.

Jeremias 8

[1] Naquele tempo, diz o SENHOR, lançarão para fora das suas sepulturas os ossos dos reis e dos príncipes de Judá, os ossos dos sacerdotes e dos profetas e os ossos dos habitantes de Jerusalém;

[2] espalhá-los-ão ao sol, e à lua, e a todo o exército do céu, a quem tinham amado, e a quem serviram, e após quem tinham ido, e a quem procuraram, e diante de quem se tinham prostrado; não serão recolhidos, nem sepultados; serão como esterco sobre a terra.

chuireadar a ngráiniúlachtaí sa Teampall a ghairtear i m'ainmse, á thruailliú.

[31]Thóg siad áit ard Thoifit i nGleann Bein Hionnom, do loscadh a gclann mhac agus a n-iníonacha sa tine; rud nár ordaigh mise riamh ná níor tháinig i mo chroí.

[32]Mar sin tá na laethanta ag teacht - an Tiarna a labhraíonn - nach dtabharfar Toifit air níos mó ná Gleann Bein Hionnom, ach Gleann an Áir. Déanfar a n-adhlacah i dToifit, cheal spáis;

[33]beidh corpáin na ndaoine seo ina mbia ag éanlaith an aeir agus ag beithígh na talún, agus ní bheidh fear a ruaigthe ann.

[34]Coscfaidh mé guth an tsubhachais agus na lúcháire, glór an fhir nuaphósta agus na brídeoige i mbailte Iúdá agus i sráideanna Iarúsailéim, óir déanfar fásach den dúiche ar fad.”

Irimia 8

Bagairtí agus Caointe

[1]“Nuair a thiocfaidh an t-am sin - an Tiarna a labhraíonn - tabharfar amach as a n-uaigheanna cnámha ríthe Iúdá, cnámha na bprionsaí, na sagart, na bhfáithe agus áitritheoirí Iarúsailéim.

[2]Déanfar iad a spré i bhfianaise na gréine, na gealaí, agus slua neimhe uile, a b'ionúin leo agus dá ndearna siad fónamh, a lean siad, a n-iarr siad comhairle orthu, agus a d'adhar siad. Ní chruinneofar ná ní adhlacfar arís iad ach beidh siad chun aoiligh ar chraiceann na talún.

[3] Escolherão antes a morte do que a vida todos os que restarem desta raça malvada que ficar nos lugares para onde os dispersei, diz o SENHOR dos Exércitos.

[3]Agus béarfar bás de rogha ar bheatha leis an méid a bheidh fágtha den droch-mhuintir seo uile, cibé áit a ndíbreoidh mise iad, a deir Tiarna na Slua.

O castigo é inevitável

[4] Dize-lhes mais: Assim diz o SENHOR: Quando caem os homens, não se tornam a levantar? Quando alguém se desvia do caminho, não torna a voltar?

[4]“Déarfaidh tú leo: Is mar seo a deir an Tiarna: Má thiteann tú, nach féidir leat éirí arís? má théann tú amú, nach bhféadann tú filleadh athuair?

[5] Por que, pois, este povo de Jerusalém se desvia, apostatando continuamente? Persiste no engano e não quer voltar.

[5]Cad chuige go leanann an pobal seo de bheith ag séanadh, i gcónaí ag séanadh? Leanann siad den seachrán agus diúltaíonn siad filleadh.

[6] Eu escutei e ouvi; não falam o que é reto, ninguém há que se arrependa da sua maldade, dizendo: Que fiz eu? Cada um corre a sua carreira como um cavalo que arremete com ímpeto na batalha.

[6]D'éist mise go haireach, níl an chaint cheart acu; ní dhearna aon duine aithrí ina olc á rá: ‘Céard tá déanta agam? ’ Mar a réabann an t-each chun catha is mar sin a théann gach aon duine amú ag leanacht a chúrsa féin.

[7] Até a cegonha no céu conhece as suas estações; a rola, a andorinha e o grou observam o tempo da sua arribação; mas o meu povo não conhece o juízo do SENHOR.

[7]Fiú amháin an chorr bhán sa spéir bíonn fios a haimsire aici; comhairíonn an turtúr, an fháinleog, an chorr ghlas, am a dteachta. Ach ní fheadar mo dhaoine rialú an Tiarna.

[8] Como, pois, dizeis: Somos sábios, e a lei do SENHOR está conosco? Pois, com efeito, a falsa pena dos escribas a converteu em mentira.

[8]Nach dána an mhaise daoibh a rá: ‘Táimid críonna, agus is againn atá dlí an Tiarna’? Féach, cé mar a falsaíodh é le peann bréagach na scríobhaithe.

[9] Os sábios serão envergonhados, aterrorizados e presos; eis que rejeitaram a palavra do SENHOR; que sabedoria é essa que eles têm?

[9]Beidh náire ar na daoine críonna, beidh mearbhail orthu agus díomá. Féach, cé mar a dhiúltaigh siad do bhriathar an Tiarna! Cén tairbhe dóibh mar sin a gcríonnacht?

[10] Portanto, darei suas mulheres a outros, e os seus campos, a novos possuidores; porque, desde o menor deles até ao maior,

[10]Tabharfaidh mé mar sin a mná céile do fhir eile, a bhfearainn do shealbhóirí nua, óir gach aon díobh ón té is lú go dtí an té

cada um se dá à ganância, e tanto o profeta como o sacerdote usam de falsidade.

is mó, santaíonn sé an brabach mí-ionraic; an sagart agus an fáidh araon, cleachtaíonn siad caimiléireacht.

11 Curam superficialmente a ferida do meu povo, dizendo: Paz, paz; quando não há paz.

11Is gan mhairg a chóiríonn siad créacht mo phobail á rá: 'Síocháin! Siocháin! ' agus níl aon síocháin ann.

12 Serão envergonhados, porque cometem abominação sem sentir por isso vergonha; nem sabem que coisa é envergonhar-se. Portanto, cairão com os que caem; quando eu os castigar, tropeçarão, diz o SENHOR.

12Náire ba chóir a bheith orthu mar gheall ar a n-imeachtaí gránna. Beag an baol! Níl ciall do náire acu, ní mó is féidir leo lasadh. Ar an ábhar sin, mar a thiteann daoine eile, titfidh siadsan freisin; teilgfear anuas iad nuair a thiocfaidh mise ar cuairt acu, a deir an Tiarna.

13 Eu os consumirei de todo, diz o SENHOR; não haverá uvas na vide, nem figos na figueira, e a folha já está murcha; e já lhes designei os que passarão sobre eles.

13Ba mhaith liom dul a bhaint fómhair ann, a deir an Tiarna. Ach níl fíonchaora ar an bhfíniúin, ná figí ar an gcrann figí agus na duilleoga féin, tá siad feoite. Mar sin é óir thug mise sladairí orthu le slad a dhéanamh orthu."

14 Por que estamos ainda assentados aqui? Reuni-vos, e entremos nas cidades fortificadas e ali pereçamos; pois o SENHOR já nos decretou o perecimento e nos deu a beber água venenosa, porquanto pecamos contra o SENHOR.

14Cruinnígí! Déanaimis isteach sna bailte daingne agus faighimis bás iontu, mar cinntíonn an Tiarna ár nDia an bás dúinn; tugann sé uisce nimhe dúinn le hól, óir pheacaíomar ina aghaidh.

15 Espera-se a paz, e nada há de bom; o tempo da cura, e eis o terror.

15Bhí súil againn le síocháin - ach níor tháinig maith ar bith, le haimsir shlánaithe, ach féach an scéin!

16 Desde Dã se ouve o resfolegar dos seus cavalos; toda a terra treme à voz dos rinchos dos seus garanhões; e vêm e devoram a terra e a sua abundância, a cidade e os que habitam nela.

16"Tá cuachaíl a n-eachra le clos ó Dhán; creathnaíonn an tuath uile le fuaim sheitreach a staileanna. Tagann siad a mhilleadh na tíre agus a bhfuil inti, na mbailte agus gach a gconaíonn iontu.

17 Porque eis que envio para entre vós serpentes, áspides contra as quais não há

17Is ea, cuirim chugaibh anois péisteanna agus nathracha nimhe nach ngéilleann

encantamento, e vos morderão, diz o SENHOR.

d'orthaí; bainfidh siad greim asaibh - an Tiarna a labhraíonn - [a bheidh gan leigheas].”

A dor do profeta por causa da ruína do povo

18 Oh! Se eu pudesse consolar-me na minha tristeza! O meu coração desfalece dentro de mim.

18Tá dólás orm, titeann mo chroí ionam.

19 Eis a voz do clamor da filha do meu povo de terra mui remota: Não está o SENHOR em Sião? Não está nela o seu Rei? Por que me provocaram à ira com as suas imagens de escultura, com os ídolos dos estrangeiros?

19Éist! Tá guth iníon mo dhaoine ag éamh ó cheann ceann na tíre, “Nach bhfuil an Tiarna a thuilleadh i Síón? Nach bhfuil a Rí inti níos mó?” (Cad chuige ar bhrostaigh siad mise chun feirge lena n-íola greanta, leis na náideanna iasachta seo?)

An Gorta

20 Passou a sega, findou o verão, e nós não estamos salvos.

20Chuaigh an fómhar tharainn, tá deireadh leis an samhradh, agus níor tugadh tarrtháil orainn!

21 Estou quebrantado pela ferida da filha do meu povo; estou de luto; o espanto se apoderou de mim.

21Mar gheall ar ghortú iníon mo dhaoine tá mise gortaithe freisin, is dubhach liom mo shaol, beireann eagla greim orm.

22 Acaso, não há bálsamo em Gileade? Ou não há lá médico? Por que, pois, não se realizou a cura da filha do meu povo?

22Nach bhfuil íocshláinte feasta i nGileád? Nach bhfuil aon lia ann? Cad chuige mar sin nach ndéanann sé aon dul ar aghaidh, an leigheas seo iníon mo dhaoine?

Jeremias 9

23 Cé a dhéanfaidh foinse de mo cheann, agus de mo shúile tobar deor, a bhfuil de mhairbh as iníon mo dhaoine?

1 Prouvera a Deus a minha cabeça se tornasse em águas, e os meus olhos, em fonte de lágrimas! Então, choraria de dia e de noite os mortos da filha do meu povo.

Irimia 9

Trualliú Iúdá

1Nach trua gan bothán fear taistil agam san fhásach,

2 Prouvera a Deus eu tivesse no deserto uma estalagem de caminhantes! Então,

2 go bhfágfaidh mé mo phobal, go n-imeoidh mé i bhfad uathu! Óir is

deixaria o meu povo e me apartaria dele, porque todos eles são adúlteros, são um bando de traidores;

adhaltranaigh iad uile, agus buíon daoine fealltacha.

[3] curvam a língua, como se fosse o seu arco, para a mentira; fortalecem-se na terra, mas não para a verdade, porque avançam de malícia em malícia e não me conhecem, diz o SENHOR.

[3]Claonann siad a dteanga ar nós bogha; ní fírinne ach bréaga atá in uachtar sa tír; téann siad ó olc go holc. Diúltaíonn aithne a thabhairt don Tiarna.

[4] Guardai-vos cada um do seu amigo e de irmão nenhum vos fieis; porque todo irmão não faz mais do que enganar, e todo amigo anda caluniando.

[4]Bíodh gach aon duine san airdeall ar a chara; ná taobhaigh le do dhearthair, mar go deimhin is forghabhálaí gach deartháir, is cúlghearrthóir dícheallach gach cara.

[5] Cada um zomba do seu próximo, e não falam a verdade; ensinam a sua língua a proferir mentiras; cansam-se de praticar a iniqüidade.

[5]Meallann gach aon acu a chéile, ní labhraíonn siad an fhírinne. Mhúin siad dá dteanga bréaga a rá, tá siad truaillithe agus níl aithrí ag teacht leo.

[6] Vivem no meio da falsidade; pela falsidade recusam conhecer-me, diz o SENHOR.

[6]Leatrom ar muin leatroma! cealg ar muin ceilge! Diúltaíonn siad aithne a thabhairt don Tiarna.

Ameaças de ruína e exílio

[7] Portanto, assim diz o SENHOR dos Exércitos: Eis que eu os acrisolarei e os provarei; porque de que outra maneira procederia eu com a filha do meu povo?

[7]Uime sin, is mar seo a deir Tiarna na Slua: "Féach, dearbhóidh mé anois iad sa soitheach leáite - nó céard eile a dhéanfaidh mé, mar gheall ar a n-olcas?

[8] Flecha mortífera é a língua deles; falam engano; com a boca fala cada um de paz com o seu companheiro, mas no seu interior lhe arma ciladas.

[8]Is saighead mharfa a dteanga, labhraíonn siad go cealgach; 'Síocháin', a deir duine ó bhéal lena chomharsa ach ina chroí cuireann sé luíochán roimhe.

[9] Acaso, por estas coisas não os castigaria? – diz o SENHOR; ou não me vingaria eu de nação tal como esta?

[9]An é nach n-agróidh mise na nithe seo orthu? - is é an Tiarna a labhraíonn - an é nach ndéanfaidh mise díoltas ar a leithéid seo de náisiún?

Caoineadh

[10] Pelos montes levantarei choro e pranto e pelas pastagens do deserto, lamentação; porque já estão queimadas, e ninguém

[10]Ar son na sléibhte tógaigí suas golgháire agus gubha, agus ar son féarach an fhásaigh, caoineadh; óir bánaíodh iad; ní

passa por elas; já não se ouve ali o mugido de gado; tanto as aves dos céus como os animais fugiram e se foram.

ghabhann aon duine ann, ní chluintear níos mó géimneach na dtréad. Éanlaith an aeir agus na beithígh, theith siad araon, níl siad ann.

[11] Farei de Jerusalém montões de ruínas, morada de chacais; e das cidades de Judá farei uma assolação, de sorte que fiquem desabitadas.

[11]Déanfaidh mé Iarúsailéim ina carnán cloch, ina huaimh seacál, déanfaidh mé fásach gan áitreabh de bhailte Iúdá."

[12] Quem é o homem sábio, que entenda isto, e a quem falou a boca do SENHOR, homem que possa explicar por que razão pereceu a terra e se queimou como deserto, de sorte que ninguém passa por ela?

[12]Cé hé an duine críonna a thuigfidh é seo? Cé leis a labhair béal an Tiarna féin le go bhfoilseodh sé: Cad chuige ar scriosadh an tír, agus go ndearnadh fásach di gan siúl aon duine inti?

[13] Respondeu o SENHOR: Porque deixaram a minha lei, que pus perante eles, e não deram ouvidos ao que eu disse, nem andaram nela.

[13]Dúirt an Tiarna: "Mar seo é, mar gur thréig siad mo dhlí a chuir mé rompu agus nár umhlaigh siad do mo ghuth agus nár lean é,

[14] Antes, andaram na dureza do seu coração e seguiram os baalins, como lhes ensinaram os seus pais.

[14]ach gur lean siad comhairlí a ndrochchroí féin i ndiaidh na mBálaím mar a mhúin a n-aithreacha dóibh.

[15] Portanto, assim diz o SENHOR dos Exércitos, Deus de Israel: Eis que alimentarei este povo com absinto e lhe darei a beber água venenosa.

[15]Mar sin, is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: Anois beathóidh mé an pobal seo le mormónta, agus tabharfaidh mé uisce nimhiúil dóibh le hól.

[16] Espalhá-los-ei entre nações que nem eles nem seus pais conheceram; e enviarei a espada após eles, até que eu venha a consumi-los.

[16]Scaipfidh mé i measc ciníocha iad narbh aithnid dá n-aithreacha ná dóibh féin; agus cuirfidh mé an claíomh ina ndiaidh go scriosfaidh mé iad."

[17] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Considerai e chamai carpideiras, para que venham; mandai procurar mulheres hábeis, para que venham.

[17]Seo mar a deir Tiarna na Slua: "Thusa ansin! Glaoigh ar na mná caointe! Tagaidís! Cuir fios ar na mná is fearr chuige! Tagaidís siúd!

[18] Apressem-se e levantem sobre nós o seu lamento, para que os nossos olhos se desfaçam em lágrimas, e as nossas pálpebras destilem água.

[19] Porque uma voz de pranto se ouve de Sião: Como estamos arruinados! Estamos sobremodo envergonhados, porque deixamos a terra, e eles transtornaram as nossas moradas.

[20] Ouvi, pois, vós, mulheres, a palavra do SENHOR, e os vossos ouvidos recebam a palavra da sua boca; ensinai o pranto a vossas filhas; e, cada uma à sua companheira, a lamentação.

[21] Porque a morte subiu pelas nossas janelas e entrou em nossos palácios; exterminou das ruas as crianças e os jovens, das praças.

[22] Fala: Assim diz o SENHOR: Os cadáveres dos homens jazerão como esterco sobre o campo e cairão como gavela atrás do segador, e não há quem a recolha.

Conhecer a Deus constitui a glória do homem

[23] Assim diz o SENHOR: Não se glorie o sábio na sua sabedoria, nem o forte, na sua força, nem o rico, nas suas riquezas;

[24] mas o que se gloriar, glorie-se nisto: em me conhecer e saber que eu sou o SENHOR e faço misericórdia, juízo e justiça na terra; porque destas coisas me agrado, diz o SENHOR.

[18]Déanaidís deifir go dtóga siad caoineadh dúinne! Go sile ár súile le deora, go sceithe ár bhfabhraí le huisce!

[19]Sea, tá an caoineadh le clos as Síón, 'Cé mar atáimid sladta! Cé mar atáimid náirithe go deo! Óir tá orainn imeacht as an tír, agus slán a fhágáil ag teach agus treabh! ' "

[20]Agus sibhse, a mhná, éistigí anois le briathar an Tiarna, gabhadh bhur gcluasa focal a bhéal. Múinigí do bhur n-iníonacha caoineadh, múinigí dá chéile olagón.

[21]Tháinig an bás suas chun ar bhfuinneog, agus rinne a bhealach isteach inar bpáláis; ghearr sé anuas na leanaí sa tsráid, na fir óga ar an bhfaiche.

[22]Tá corpáin daoine ina luí amhail aoileach ar aghaidh an mhachaire, amhail punanna i ndiaidh an bhuanaí, agus ní chruinníonn aon duine iad.

[23]Is mar seo a deir an Tiarna: "Ná déanadh an fear críonna glóir as a chríonnacht, ná maíodh an fear cumasach as a chumas, ná an fear saibhir as a shaibhreas!

[24]Ach an té a dhéanfadh glóir, déanfadh sé glóir as seo: go dtuigeann agus go n-aithníonn sé mise. Óir is mé an Tiarna, rialaím ar talamh, le cineáltas, le ceart agus le fíréantacht; sea, is iontu seo atá mo dhúil - an Tiarna a labhraíonn."

[25] Eis que vêm dias, diz o SENHOR, em que castigarei a todos os circuncidados juntamente com os incircuncisos:

[26] ao Egito, e a Judá, e a Edom, e aos filhos de Amom, e a Moabe, e a todos os que cortam os cabelos nas têmporas e habitam no deserto; porque todas as nações são incircuncisas, e toda a casa de Israel é incircuncisa de coração.

Jeremias 10

Contraste entre o Senhor e os ídolos

[1] Ouvi a palavra que o SENHOR vos fala a vós outros, ó casa de Israel.

[2] Assim diz o SENHOR: Não aprendais o caminho dos gentios, nem vos espanteis com os sinais dos céus, porque com eles os gentios se atemorizam.

[3] Porque os costumes dos povos são vaidade; pois cortam do bosque um madeiro, obra das mãos do artífice, com machado;

[4] com prata e ouro o enfeitam, com pregos e martelos o fixam, para que não oscile.

[5] Os ídolos são como um espantalho em pepinal e não podem falar; necessitam de quem os leve, porquanto não podem andar. Não tenhais receio deles, pois não podem fazer mal, e não está neles o fazer o bem.

[6] Ninguém há semelhante a ti, ó SENHOR; tu és grande, e grande é o poder do teu nome.

[25]“Féach, tá na laethanta ag teacht - an Tiarna a labhraíonn - agus gearrfaidh mé pionós ar a bhfuil de dhaoine atá timpeallghearrtha san fheoil amháin:

[26]An Éigipt, Iúdá, Clann Amón, Móáb agus na Bearracháin uile a chónaíonn san fhásach. Óir tá na ciníocha seo uile, agus fós teach Iosrael go hiomlán, gan timpeallghearradh sa chroí.”

Irimia 10

Íola agus an Dia Fíor

[1]Éistigí a theach Iosrael, leis an mbriathar a deir an Tiarna libh.

[2]Is mar seo a deir an Tiarna: “Ná toghaigí bealaí na náisiún, ná bíodh eagla oraibh roimh chomharthaí neimhe, bíodh agus go mbíonn eagla ar na náisiúin rompu.

[3]Is neamhní é uafás na bpobal, ní mó ná crann é a leagadh san fhoraois, saothar lámh an oibrí leis an tua,

[4]maisíodh ansin é le hairgead agus le hór. Daingníonn siad le tairní agus le casúr iad, le nach dtitfeadh siad.

[6] Porque será como o arbusto solitário no deserto e não verá quando vier o bem; antes, morará nos lugares secos do deserto, na terra salgada e inabitável.

[7] Bendito o homem que confia no SENHOR e cuja esperança é o SENHOR.

[8] Porque ele é como a árvore plantada junto às águas, que estende as suas raízes para o ribeiro e não receia quando vem o calor, mas a sua folha fica verde; e, no ano de sequidão, não se perturba, nem deixa de dar fruto.
[9] Enganoso é o coração, mais do que todas as coisas, e desesperadamente corrupto; quem o conhecerá?
[10] Eu, o SENHOR, esquadrinho o coração, eu provo os pensamentos; e isto para dar a cada um segundo o seu proceder, segundo o fruto das suas ações.

[11] Como a perdiz que choca ovos que não pôs, assim é aquele que ajunta riquezas, mas não retamente; no meio de seus dias, as deixará e no seu fim será insensato.

Jeremias clama a Deus que o socorra dos seus inimigos

[12] Trono de glória enaltecido desde o princípio é o lugar do nosso santuário.
[13] Ó SENHOR, Esperança de Israel! Todos aqueles que te deixam serão envergonhados; o nome dos que se

Roinnt Ráite Eagna

[5]Is mar seo a deir an Tiarna: “Is mallaithe an fear a chuireann a mhuinín i nduine, agus a bhíonn i dtuilleamaí na feola, agus a iompaíonn a chroí ón Tiarna.
[6]Is cosúil é le grágán tóir san fhásach; má thagann maith ní fheiceann sé í; cuireann sé faoi in áiteanna dóite an fhásaigh, i bhfearann saillte atá gan áitreabh.
[7]Is beannaithe an fear a chuireann a mhuinín sa Tiarna agus arb é an Tiarna a dhóchas.
[8]Is cosúil é le crann atá lámh le huisce, agus a shíneann a fhréamhacha amach leis an sruth; ní bhíonn sé i bhfaitíos roimh lá an bhrothaill, mar fanann a dhuilliúr glas; ní bhíonn sé buartha i mbliain an tarta, mar ní éiríonn as torthaí a thabhairt.
[9]Tá an croí cealgach thar gach rud eile, agus urchóideach lena chois; cé a fhéadann é a ransú?
[10]Mise, an Tiarna, scrúdaím an croí, dearbhaím na duáin, a thabhairt do gach aon fhear de réir a iompair agus de réir toradh a ghníomhartha.
[11]Gorfaidh an phatraisc uibheacha nár rug sí, is mar sin don fhear a bhain saibhreas, agus nach le ceart; ní mór dó scarúint leis i lár a laethanta, agus ina chríoch dhéanach fágfar ina amadán é.”

Muinín agus Urnaí

[12]Is ríchathaoir ghlórmhar, suite in airde ó thosach, áit ár sanctóra.
[13]Ó, a Thiarna, a Dhóchas Iosrael! Beidh náire ar gach aon a thréigeann thusa, na daoine a iompaíonn uaitse sracfar ó

apartam de mim será escrito no chão; porque abandonam o SENHOR, a fonte das águas vivas.

fhréamh iad as an tír, de bhrí gur thréig siad foinsí an uisce bheo.

[14] Cura-me, SENHOR, e serei curado, salva-me, e serei salvo; porque tu és o meu louvor.

[14]Slánaigh mé a Thiarna, agus beidh mé slán go cinnte, sábháil mé agus beidh mé sábháilte, óir is tú amháin mo [dhóchas].

[15] Eis que eles me dizem: Onde está a palavra do SENHOR? Que se cumpra!

[15]Féach, deir siad liom gan scor: “Cá bhfuil briathar an Tiarna? Tagadh sé i gcrích anois.”

[16] Mas eu não me recusei a ser pastor, seguindo-te; nem tampouco desejei o dia da aflição, tu o sabes; o que saiu dos meus lábios está no teu conhecimento.

[16]Ach maidir liomsa, níor spreag mé riamh thú chun an oilc, ní mó ba mhian liom an lá mairgneach, tá a fhios seo agatsa; ní raibh an rud a tháinig as mo bhéal i bhfolach ort.

[17] Não me sejas motivo de terror; meu refúgio és tu no dia do mal.

[17]Ná bí i do uafás domsa, tusa, is dídean dom i lá an oilc.

[18] Sejam envergonhados os que me perseguem, e não seja eu envergonhado; assombrem-se eles, e não me assombre eu; traze sobre eles o dia do mal e destrói-os com dobrada destruição.

[18]Cloítear lucht mo ghéarleanúna, ach ná cloítear mise; cuirtear scéin orthusan, ach ní ormsa. Tabhair lá an oilc orthusan, scrios iad le scrios faoi dhó!

A santificação do sábado

An tSabóid

[19] Assim me disse o SENHOR: Vai, põe-te à porta dos filhos do povo, pela qual entram e saem os reis de Judá, como também a todas as portas de Jerusalém,

[19]Is mar seo a dúirt an Tiarna liomsa: “Imigh agus seas i nGeata Chlann an Phobail ina dtagann ríthe Iúdá isteach agus amach - agus i ngeataí uile Iarúsailéim.

[20] e dize-lhes: Ouvi a palavra do SENHOR, vós, reis de Judá, e todo o Judá, e todos os moradores de Jerusalém que entrais por estas portas.

[20]Abair leo: ‘Éistigí le briathar an Tiarna, sibhse a ríthe Iúdá, agus sibhse pobal uile Iúdá freisin, agus sibhse, cathróirí uile Iarúsailéim, a théann na geataí seo isteach.

[21] Assim diz o SENHOR: Guardai-vos por amor da vossa alma, não carregueis cargas no dia de sábado, nem as introduzais pelas portas de Jerusalém;

[21]Is mar seo a deir an Tiarna: Más maith libh a bheith beo, ná hiompraígí ualach lá na sabóide ar chuntar ar bith agus ná tugaigí geataí Iarúsailéim isteach é.

[22] não tireis cargas de vossa casa no dia de sábado, nem façais obra alguma; antes, santificai o dia de sábado, como ordenei a vossos pais.

[23] Mas não atenderam, não inclinaram os ouvidos; antes, endureceram a cerviz, para não me ouvirem, para não receberem disciplina.

[24] Se, deveras, me ouvirdes, diz o SENHOR, não introduzindo cargas pelas portas desta cidade no dia de sábado, e santificardes o dia de sábado, não fazendo nele obra alguma,

[25] então, pelas portas desta cidade entrarão reis e príncipes, que se assentarão no trono de Davi, andando em carros e montados em cavalos, eles e seus príncipes, os homens de Judá e os moradores de Jerusalém; e esta cidade será para sempre habitada.

[26] Virão das cidades de Judá e dos contornos de Jerusalém, da terra de Benjamim, das planícies, das montanhas e do Sul, trazendo holocaustos, sacrifícios, ofertas de manjares e incenso, oferecendo igualmente sacrifícios de ações de graças na Casa do SENHOR.

[27] Mas, se não me ouvirdes, e, por isso, não santificardes o dia de sábado, e carregardes alguma carga, quando entrardes pelas portas de Jerusalém no dia de sábado, então, acenderei fogo nas suas portas, o qual consumirá os palácios de Jerusalém e não se apagará.

[22]Ná hiompraígí ualach amach as bhur dtithe lá na sabóide, agus ná déanaigí obair ar bith. Naomhaígí lá na sabóide mar a d'ordaigh mise do bhur n-aithreacha.

[23]Ní chluinfidís, ní thabharfaidís aird, d'éiríodar chomh ceanndána sin nach n-éistfidís agus nach ngabhfadh teagasc.

[24]Ach má éisteann sibh go dúthrachtach liomsa - an Tiarna a labhraíonn - agus gan ualach a bhreith trí gheata na cathrach seo lá na sabóide, ach lá na sabóide a naomhú agus gan obair a dhéanamh ann,

[25]ansin tiocfaidh i gcrích go leanfaidh ríthe a bheidh ina suí i ríchathaoir Dháiví ag dul isteach i ngeataí na cathrach seo, ag marcaíocht ar charbaid agus eachra, iad féin agus a n-airí, in éineacht le fir Iúdá agus cathróirí Iarúsailéim. Agus áitreofar an chathair seo go brách.

[26]Tiocfaidh siad as bailte Iúdá, as na ceantair thart ar Iarúsailéim, as tír Bhiniáimin, as an Achréidh, as na sléibhte agus as an Neigib, ag tabhairt ofráil loiscthe agus íobairtí, tabhartas bia agus túise, agus íobairtí molta i dTeampall an Tiarna.

[27]Ach mura n-éisteann sibh liomsa i dtaobh naomhú na sabóide agus gan ualach a iompar ag dul geataí Iarúsailéim isteach lá na sabóide, cuirfidh mise ansin a geataí trí thine; loscfaidh an tine pháláis Iarúsailéim agus ní mhúchfar í.' ”

Jeremias 18

O vaso do oleiro

[1] Palavra do SENHOR que veio a Jeremias, dizendo:

[2] Dispõe-te, e desce à casa do oleiro, e lá ouvirás as minhas palavras.

[3] Desci à casa do oleiro, e eis que ele estava entregue à sua obra sobre as rodas.

[4] Como o vaso que o oleiro fazia de barro se lhe estragou na mão, tornou a fazer dele outro vaso, segundo bem lhe pareceu.

[5] Então, veio a mim a palavra do SENHOR:

[6] Não poderei eu fazer de vós como fez este oleiro, ó casa de Israel? – diz o SENHOR; eis que, como o barro na mão do oleiro, assim sois vós na minha mão, ó casa de Israel.

[7] No momento em que eu falar acerca de uma nação ou de um reino para o arrancar, derribar e destruir,

[8] se a tal nação se converter da maldade contra a qual eu falei, também eu me arrependerei do mal que pensava fazer-lhe.

[9] E, no momento em que eu falar acerca de uma nação ou de um reino, para o edificar e plantar,

[10] se ele fizer o que é mau perante mim e não der ouvidos à minha voz, então, me

Irimia 18

Cuairt Irimia ar an bPotaire

[1]An briathar a tháinig go Irimia ón Tiarna:

[2]“Éirigh, imigh síos go teach an photaire; is ansin a thabharfaidh mé le cloisteáil duit a bhfuil le rá agam.”

[3]Chuaigh mé síos mar sin go teach an photaire, agus bhí sé ann ag obair ag a roth.

[4]Agus ní raibh uair dár milleadh an soitheach cré a bhí á dhéanamh ag an bpotaire nach ndearna sé arís é ina shoitheach eile, mar is nós le potairí a dhéanamh.

[5]Ansin tháinig an briathar seo ón Tiarna chugam:

[6]“rí theach Iosrael, nach bhféadaimse a dhéanamh libhse mar a dhéanann an potaire seo? - an Tiarna a labhraíonn - Sea, faoi mar atá an chré i láimh an photaire, is mar sin atá sibhse i mo láimhse, a theach Iosrael.

[7]Uaireanta ordaím i dtaobh cine, nó ríochta, a dtarraingt aníos, a leagan, a scriosadh;

[8]ach má fhilleann an cine sin, ar ar thug mé daorbhreith, óna n-oilc, ansin tagann malairt intinne chugamsa i dtaobh an oilc a bhí ceaptha agam dóibh.

[9]Uaireanta eile, ordaím i dtaobh cine, nó ríochta, a thógáil agus a phlandú;

[10]ach má dhéanann an cine sin olc i mo radharc, agus mura n-umhlaíonn siad do

arrependerei do bem que houvera dito lhe faria.

11 Ora, pois, fala agora aos homens de Judá e aos moradores de Jerusalém, dizendo: Assim diz o SENHOR: Eis que estou forjando mal e formo um plano contra vós outros; convertei-vos, pois, agora, cada um do seu mau proceder e emendai os vossos caminhos e as vossas ações.

12 Mas eles dizem: Não há esperança, porque andaremos consoante os nossos projetos, e cada um fará segundo a dureza do seu coração maligno.

13 Portanto, assim diz o SENHOR: Perguntai agora entre os gentios sobre quem ouviu tal coisa. Coisa sobremaneira horrenda cometeu a virgem de Israel!

14 Acaso, a neve deixará o Líbano, a rocha que se ergue na planície? Ou faltarão as águas que vêm de longe, frias e correntes?

15 Contudo, todos os do meu povo se têm esquecido de mim, queimando incenso aos ídolos, que os fizeram tropeçar nos seus caminhos e nas veredas antigas, para que andassem por veredas não aterradas;

16 para fazerem da sua terra um espanto e objeto de perpétuo assobio; todo aquele que passar por ela se espantará e meneará a cabeça.

mo ghuth, bíonn aithrí orm faoin maith a bhí ar intinn agam a bhronnadh orthu.

11Labhair anois, ar an ábhar sin, le fir Iúdá agus le háitritheoirí Iarúsailéim: 'Is mar seo a deir an Tiarna: Éistigí, tá briseadh á chumadh agam in bhur n-aghaidh, tá tubaiste daoibh á ceapadh agam. Filligí mar sin, gach uile dhuine agaibh, ó bhur n-imeachtaí gránna, leasaigí bhur n-iompar agus bhur ngníomhartha.'

12Ach déarfaidh siadsan: 'Cé an mhaith caint? Is fearr linn déanamh mar is toil linn féin; tá ar intinn ag gach fear againn déanamh de réir chomhairle a dhrochchroí féin.' "

Tréigean Iosrael

13"Dá bhrí sin - is mar seo a deir an Tiarna: Fiafraígí anois i measc na náisiún cé chuala a leithéid seo: Rinne maighdean Iosrael gníomh rófhuafar.

14An n-imíonn sneachta na Liobáine ón gcarraig bheannach? An dtéann na huiscí maorga a bhíonn ag sní san fhuarthan i ndísc?

15Ina dhiaidh sin dhearmad mo phobal mise! Loscann siad a dtúis do neamhní! D'imigh a gcosa uathu ar a slí dóibh, ag gabháil na seanbhóithre, ag siúl dóibh sna cosáin chama, ar bhealaí gan aon mhéar ar eolas.

16Déanfaidh siad a ndúiche uaigneach; déanfar ábhar fonóide di go deo; an té a rachaidh thairsti beidh uafás air agus craithfidh sé a cheann.

[17] Com vento oriental os espalharei diante do inimigo; mostrar-lhes-ei as costas e não o rosto, no dia da sua calamidade.

O profeta ora contra seus inimigos

[18] Então, disseram: Vinde, e forjemos projetos contra Jeremias; porquanto não há de faltar a lei ao sacerdote, nem o conselho ao sábio, nem a palavra ao profeta; vinde, firamo-lo com a língua e não atendamos a nenhuma das suas palavras.

[19] Olha para mim, SENHOR, e ouve a voz dos que contendem comigo.

[20] Acaso, pagar-se-á mal por bem? Pois abriram uma cova para a minha alma. Lembra-te de que eu compareci à tua presença, para interceder pelo seu bem-estar, para desviar deles a tua indignação.

[21] Portanto, entrega seus filhos à fome e ao poder da espada; sejam suas mulheres roubadas dos filhos e fiquem viúvas; seus maridos sejam mortos de peste, e os seus jovens, feridos à espada na peleja.

[22] Ouça-se o clamor de suas casas, quando trouxeres bandos sobre eles de repente. Porquanto abriram cova para prender-me e puseram armadilha aos meus pés.

[23] Mas tu, ó SENHOR, sabes todo o seu conselho contra mim para matar-me; não lhes perdoes a iniqüidade, nem lhes apagues o pecado de diante da tua face; mas sejam derribados diante de ti; age contra eles no tempo da tua ira.

[17]Mar a dhéanfadh an ghaoth anoir scaipfidh mé iad roimh an namhaid. Tabharfaidh mé cúl dóibh agus ní hí m'aghaidh, ar lá a dtruamhéile.”

Comhcheilg in Aghaidh Irimia

[18]“Téanaigí,” a dúirt siad, “déanaimis cogar ceilge i gcoinne Irimia; ní bheidh ganntanas teagaisc ar an sagart dá uireasa, ná ní imeoidh comhairle ar an eagnaí, ná an briathar ar an bhfáidh. Téanaigí, buailimis é lena theanga féin; éistimis le gach focal dá dtagann as a bhéal.”

[19]Tabhair cluas dom, a Thiarna, éist le céard tá á rá ag mo naimhde.

[20]Ar chuí ceart a chúiteamh le holc? (Mar tá siad ag tochailt poill do m'anam.) Cuimhnigh gur sheas mé i d'fhianaise ag labhairt ar a son, le go n-iompóinn d'fhearg uathu.

[21]Ar an ábhar sin seachaid a gclann mhac don ghorta; tabhair suas iad do bhéal an chlaímh. Go raibh a mná céile gan sliocht, go bhfágtar ina mbaintreacha iad. Go n-éaga a bhfir den phlá; go dtite a n-ógánaigh leis an gclaíomh sa chath.

[22]Go gcluintear scread maidine as a dtithe nuair a bheireann tusa foghlaithe go tobann orthu. Óir thochail siad clais ghafa do mo ghabháilse; d'fholaigh siad líonta do mo chosa.

[23]Ach, a Thiarna, tá fios a gcomhairlí uile agat, do mo mharú. Ná maith a n-éigeart, ná scrios a bpeaca amach as do radharc. Coinnigh a léirmhilleadh i gconaí i d'aigne, nuair a thiocfaidh an lá a n-agróidh tú d'fhearg orthu.

Jeremias 19

A botija quebrada

[1] Assim diz o SENHOR: Vai, compra uma botija de oleiro e leva contigo alguns dos anciãos do povo e dos anciãos dos sacerdotes;

[2] sai ao vale do filho de Hinom, que está à entrada da Porta do Oleiro, e apregoa ali as palavras que eu te disser;

[3] e dize: Ouvi a palavra do SENHOR, ó reis de Judá e moradores de Jerusalém. Assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Eis que trarei mal sobre este lugar, e quem quer que dele ouvir retinir-lhe-ão os ouvidos.

[4] Porquanto me deixaram e profanaram este lugar, queimando nele incenso a outros deuses, que nunca conheceram, nem eles, nem seus pais, nem os reis de Judá; e encheram este lugar de sangue de inocentes;

[5] e edificaram os altos de Baal, para queimarem os seus filhos no fogo em holocaustos a Baal, o que nunca lhes ordenei, nem falei, nem me passou pela mente.

[6] Por isso, eis que vêm dias, diz o SENHOR, em que este lugar já não se chamará Tofete, nem vale do filho de Hinom, mas o vale da Matança.

[7] Porque dissiparei o conselho de Judá e de Jerusalém neste lugar e os farei cair à espada diante de seus inimigos e pela mão dos que procuram tirar-lhes a vida; e darei

Irimia 19

An Crúsca Briste

[1]Ansin dúirt an Tiarna le Irimia: “Imigh agus ceannaigh crúsca cré. Beir leat roinnt de sheanóirí an phobail agus de na sagairt.

[2]Imigh amach i dtreo Gleann Bhein Hionnom, go béal Gheata na Sligí Cré. Fógair ansin na briathra a inseoidh mise duit.

[3]Abair: ‘Éistigí le briathar an Tiarna, a ríthe Iúdá agus a áitritheoirí Iarúsailéim! Is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: Táim ag breith a leithéid d'anachain ar an áit seo, agus cibé duine a chluinfidh é, beidh tormán ina chluasa.

[4]De bhrí gur thréig siad mise, gur thruailligh an áit seo, gur loisc túis inti do dhéithe eile nárbh aithnid dóibh féin, ná dá n-aithreacha, ná do ríthe Iúdá riamh cheana. Líon siad an áit seo le fuil neamhchiontaigh.

[5]Thóg siad áiteanna arda do Bhál san áit do loscadh a gclann mhac, rud nár aithin ná nár achtaigh mise, ná nár tháinig riamh i m'intinn.

[6]Mar sin tá na laethanta ag teacht anois - an Tiarna a labhraíonn - nach dtabharfar Toifit, ná Gleann Bhein Hionnom níos mó ar an áit seo, ach Gleann an Áir.

[7]Mar gheall ar an áit seo, taoscfaidh mé dea-chomhairle as Iúdá agus Iarúsailéim; tabharfaidh mé orthu titim le claíomh a naimhde, le láimh na droinge a iarrann a

o seu cadáver por pasto às aves dos céus e aos animais da terra.

mbás; tabharfaidh mé a gcoirp mar bhia d'éanlaith an aeir agus do bheithígh na talún.

[8] Porei esta cidade por espanto e objeto de assobios; todo aquele que passar por ela se espantará e assobiará, por causa de todas as suas pragas.

[8]Déanfaidh mé an chathair seo uaigneach, ina hábhar scige; beidh uafás ar an té a ghabhfaidh thairsti agus ligfidh sé fead iontais as faoina leithéid de thubaiste.

[9] Fá-los-ei comer as carnes de seus filhos e as carnes de suas filhas, e cada um comerá a carne do seu próximo, no cerco e na angústia em que os apertarão os seus inimigos e os que buscam tirar-lhes a vida.

[9]Tabharfaidh mé orthu feoil a mac agus a n-iníonacha féin a ithe; íosfaidh siad a chéile i rith an léigir, sa chruóg lena gcúnglóidh a naimhde iad le fonn a maraithe."

[10] Então, quebrarás a botija à vista dos homens que foram contigo

[10]Brisfidh tú an crúsca seo i radharc na bhfear atá in éineacht leat,

[11] e lhes dirás: Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Deste modo quebrarei eu este povo e esta cidade, como se quebra o vaso do oleiro, que não pode mais refazer-se, e os enterrarão em Tofete, porque não haverá outro lugar para os enterrar.

[11]agus déarfaidh tú leo: 'Is mar seo a deir Tiarna na Slua: Brisfidh mé an pobal seo agus an chathair seo díreach mar a bhriseann duine crúsca an photaire, nach féidir a dhéanamh slán arís.

[12] Assim farei a este lugar, diz o SENHOR, e aos seus moradores; e farei desta cidade um Tofete.

[12]Déanfar áit adhlactha de Thoifit, d'uireasa spáis. Is amhlaidh sin a dhéanfaidh mé leis an áit seo - an Tiarna a labhraíonn. Agus déanfaidh mé an chathair seo mar Thoifit.

[13] As casas de Jerusalém e as casas dos reis de Judá serão imundas como o lugar de Tofete; também todas as casas sobre cujos terraços queimaram incenso a todo o exército dos céus e ofereceram libações a outros deuses.

[13]Saileofar tithe Iarúsailéim agus tithe ríthe Iúdá, mar an áit seo, Toifit; na tithe seo uile ar loisc siad túis ar a ndíonta do shlua neimhe uile, agus ar ar dhoirt siad deochanna do dhéithe eile.' "

[14] Voltando, pois, Jeremias de Tofete, lugar para onde o enviara o SENHOR a profetizar, se pôs em pé no átrio da Casa do SENHOR e disse a todo o povo:

[14]Ar a theacht ar ais do Irimia as Toifit mar ar chuir an Tiarna é a fháidheoireacht, sheas sé i gcúirt

[15] Assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Eis que trarei sobre esta cidade e sobre todas as suas vilas todo o mal que pronunciei contra ela, porque endureceram a cerviz, para não ouvirem as minhas palavras.

Jeremias 20

Amaldiçoado Pasur, que meteu o profeta no tronco

[1] Pasur, filho do sacerdote Imer, que era presidente na Casa do SENHOR, ouviu a Jeremias profetizando estas coisas.

[2] Então, feriu Pasur ao profeta Jeremias e o meteu no tronco que estava na porta superior de Benjamim, na Casa do SENHOR. No dia seguinte, Pasur tirou a Jeremias do tronco.

[3] Então, lhe disse Jeremias: O SENHOR já não te chama Pasur, e sim Terror-Por-Todos-Os-Lados.

[4] Pois assim diz o SENHOR: Eis que te farei ser terror para ti mesmo e para todos os teus amigos; estes cairão à espada de seus inimigos, e teus olhos o verão; todo o Judá entregarei nas mãos do rei da Babilônia; este os levará presos à Babilônia e feri-los-á à espada.

[5] Também entregarei toda a riqueza desta cidade, todo o fruto do seu trabalho e todas as suas coisas preciosas; sim, todos

Theampall an Tiarna agus dúirt leis an bpobal uile:

[15]“Is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: ‘Tabharfaidh mé ar an gcathair seo go cinnte agus ar a bailte uile máguaird an uile thubaiste dar fhógair mé, mar gur éirigh siad chomh ceanndána sin agus nach n-éistfidís le mo bhriathra.’ ”

Irimia 20

Teaglaim de Fhaoistiní Irimia

[1]Anois chuala Paischiúr mac Iméar an sagart, a bhí i gceannas na bpóilíní i dTeampall an Tiarna, an tairngreacht seo á déanamh ag Irimia.

[2]D'ordaigh Paischiúr Irimia a bhualadh agus a chur sna ceapa ag Geata Bhiniáimin, geata uachtair Theampall an Tiarna.

[3]An lá dár gcionn d'ordaigh Paischiúr Irimia a thógáil as na ceapa; dúirt Irimia leis: “Ní Paischiúr an t-ainm a thugann an Tiarna ort ach Uafás.

[4]Óir is mar seo a deir an Tiarna: ‘Déanfaidh mé uafás díot, tú féin agus do chairde uile; titfidh siad le claíomh a naimhde; feicfidh do shúile féin é sin. Tabharfaidh mé Iúdá uile freisin i láimh rí na Bablóine; tabharfaidh sé i mbraighdeanas iad chun na Bablóine agus maróidh sé iad leis an gclaíomh.

[5]Tabharfaidh mé fós maoin uile na cathrach seo, a huile shaothar, gach uile ní mórluaigh agus stór uile ríthe Iúdá i

os tesouros dos reis de Judá entregarei nas mãos de seus inimigos, os quais hão de saqueá-los, tomá-los e levá-los à Babilônia.

láimh a naimhde a chreachfaidh agus a thógfaidh iad agus a bhéarfaidh leo don Bhablóin iad.

6 E tu, Pasur, e todos os moradores da tua casa ireis para o cativeiro; irás à Babilônia, onde morrerás e serás sepultado, tu e todos os teus amigos, aos quais profetizaste falsamente.

6Maidir leatsa, a Phaischiúr, rachaidh tusa agus do líon tí uile i mbraighdeanas; gheobhaidh tú bás ansin agus is ann a adhlacfar thú, thú féin agus do chairde uile dár thairngir tú bréaga.' "

O lamento do profeta

7 Persuadiste-me, ó SENHOR, e persuadido fiquei; mais forte foste do que eu e prevaleceste; sirvo de escárnio todo o dia; cada um deles zomba de mim.

7Mheall tú mé, a Thiarna, agus cheadaigh mé mo mhealladh; rug tú bua orm; ba thú ba threise. Níl lá nach mbíonn siad ag gáire fúm, is ceap magaidh mé ag gach aon duine.

8 Porque, sempre que falo, tenho de gritar e clamar: Violência e destruição! Porque a palavra do SENHOR se me tornou um opróbrio e ludíbrio todo o dia.

8Níl uair dá labhraim an briathar nach mbíonn orm a fhógairt in ard mo chinn: "Éigean agus díobháil!" Tá briathar an Tiarna tar éis éirí ina mhasla domsa agus ina ábhar magaidh ar feadh an lae.

9 Quando pensei: não me lembrarei dele e já não falarei no seu nome, então, isso me foi no coração como fogo ardente, encerrado nos meus ossos; já desfaleço de sofrer e não posso mais.

9Deirinn: "Ní smaoineoidh mé air, ní labhróidh mise níos mó ina ainm." Ansin chonacthas dom go raibh tine loiscneach i mo chroí, í dúnta istigh i mo chnámha. Tá mé tuirseach ó bheith ag iarraidh í a chosc. Ní fhéadaim é a fhulaingt.

10 Porque ouvi a murmuração de muitos: Há terror por todos os lados! Denunciai, e o denunciaremos! Todos os meus íntimos amigos que aguardam de mim que eu tropece dizem: Bem pode ser que se deixe persuadir; então, prevaleceremos contra ele e dele nos vingaremos.

10Cluinim mórán do mo tharcaisniú: "Eagla ar gach aon taobh! Sceithigí air! Sceithimis air!" Ag a raibh de chairde agam uair bhí súil in airde le mo threascairt: "Meallfar é b'fhéidir, ansin béarfaimid bua air agus imreoimid díoltas air!"

11 Mas o SENHOR está comigo como um poderoso guerreiro; por isso, tropeçarão os meus perseguidores e não prevalecerão;

11Ach tá an Tiarna liomsa, curadh cumhachtach; ar an ábhar sin tuisleoidh lucht m'ionsaithe; ní chloífidh siad mé;

serão sobremodo envergonhados; e, porque não se houveram sabiamente, sofrerão afronta perpétua, que jamais se esquecerá.

brisfear orthu; beidh siad trína chéile, ní dhéanfar dearmad go brách ar a náire shíoraí.

12 Tu, pois, ó SENHOR dos Exércitos, que provas o justo e esquadrinhas os afetos e o coração, permite veja eu a tua vingança contra eles, pois te confiei a minha causa.

12Ach, a Thiarna na Slua, a scrúdaíonn le fírinne, a ransaíonn na háranna agus an croí, feicim do dhíoltas orthu mar is duitse a d'fhoilsigh mé mo chúis.

13 Cantai ao SENHOR, louvai ao SENHOR; pois livrou a alma do necessitado das mãos dos malfeitores.

13Canaigí don Tiarna, molaigí an Tiarna, óir shaor sé anam an bhoicht ó láimh lucht déanta an oilc.

Jeremias amaldiçoa o dia de seu nascimento

14 Maldito o dia em que nasci! Não seja bendito o dia em que me deu à luz minha mãe!

14Gura mallaithe an lá a rugadh mé, nára beannaithe an lá a rug mo mháthair mé!

15 Maldito o homem que deu as novas a meu pai, dizendo: Nasceu-te um filho!, alegrando-o com isso grandemente.

15Gura mallaithe an fear a thug scéala chun m'athar: “Rugadh leanbh mic duit!” á dhéanamh rólúcháireach.

16 Seja esse homem como as cidades que o SENHOR, sem ter compaixão, destruiu; ouça ele clamor pela manhã e ao meio-dia, alarido.

16Bíodh an fear sin cosúil leis na bailte a scrios an Tiarna gan trócaire; go gcluine sé an scread ar maidin, agus an gháir chatha ar uair an mheán lae,

17 Por que não me matou Deus no ventre materno? Por que minha mãe não foi minha sepultura? Ou não permaneceu grávida perpetuamente?

17de bhrí nár mharaigh sé mise sa bhroinn, go mbeadh mo mháthair ina huaigh agam fad a bheadh a broinn torrach orm.

18 Por que saí do ventre materno tão-somente para ver trabalho e tristeza e para que se consumam de vergonha os meus dias?

18Cad chuige ar tháinig mé as an mbroinn riamh, a thabhairt aghaidh ar shaothar agus doilíos agus go gcríochnófaí mo laethanta faoi náire?

Jeremias 21

Predita a destruição de Jerusalém por Nabucodonosor

1 Palavra que veio a Jeremias da parte do SENHOR, quando o rei Zedequias lhe enviou Pasur, filho de Malquias, e o

Irimia 21

Freagra ar thoscairí Zidicíá

1An briathar a tháinig chun Irimia ón Tiarna nuair a chuir an rí Zidicíá chuige

sacerdote Sofonias, filho de Maaséias, dizendo:

Paischiúr mac Mhailcíá in éineacht leis an sagart Zafainiá mac Mhásaeiá, á rá:

[2] Pergunta agora por nós ao SENHOR, por que Nabucodonosor, rei da Babilônia, guerreia contra nós; bem pode ser que o SENHOR nos trate segundo todas as suas maravilhas e o faça retirar-se de nós.

[2]“Iarraimid d'achainí ort fiafraí den Tiarna ar ár son ó tharla Nabúcadnazar ag déanamh cogaidh orainn; b'fhéidir go n-oibreodh an Tiarna a mhíorúiltí uile ar ár son agus go dtabharfadh sé ar an namhaid imeacht uainn.”

[3] Então, Jeremias lhes disse: Assim direis a Zedequias:

[3]Dúirt Irimia leo: “Beirigí an freagra seo chuig Zidicíá:

[4] Assim diz o SENHOR, o Deus de Israel: Eis que farei retroceder as armas de guerra que estão nas vossas mãos, com que vós pelejais fora dos muros contra o rei da Babilônia e contra os caldeus, que vos oprimem; tais armas, eu as ajuntarei no meio desta cidade.

[4]‘Is mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael: Tógfaidh mé ar ais na hairm chogaidh atá in bhur lámha anois, lena dtroideann sibh in aghaidh rí na Bablóine agus na gCaildéach a shuíonn mórthimpeall oraibh anois taobh amuigh de na ballaí; déanfaidh mé carn díobh i lár na cathrach seo.

[5] Pelejarei eu mesmo contra vós outros com braço estendido e mão poderosa, com ira, com indignação e grande furor.

[5]Agus troidfidh mé féin in bhur n-aghaidh le láimh sínte amach agus le rí láidir, i bhfearg, i mbuile agus i ndíbheirg mhór.

[6] Ferirei os habitantes desta cidade, tanto os homens como os animais; de grande pestilência morrerão.

[6]Buailfidh mé muintir na cathrach seo, idir dhuine agus bheithíoch, le plá scanrúil: gheobhaidh siad bás.

[7] Depois disto, diz o SENHOR, entregarei Zedequias, rei de Judá, e seus servos, e o povo, e quantos desta cidade restarem da pestilência, da espada e da fome na mão de Nabucodonosor, rei da Babilônia, na de seus inimigos e na dos que procuram tirar-lhes a vida; feri-los-á a fio de espada; não os poupará, não se compadecerá, nem terá misericórdia.

[7]Ina dhiaidh sin - an Tiarna a labhraíonn - tabharfaidh mé Zidicíá, rí Iúdá, lena sheirbhísigh agus an méid de mhuintir na cathrach seo a fágadh ón bplá, ón gclaíomh nó ón ngorta, i láimh a namhad agus i láimh na ndaoine a iarrann a mbás; buailfidh sé iad le faobhar an chlaímh, ní choigleoidh sé iad, ní mó a bheidh trua ná trócaire aige dóibh.’

[8] A este povo dirás: Assim diz o SENHOR: Eis que ponho diante de vós o caminho da vida e o caminho da morte.

[9] O que ficar nesta cidade há de morrer à espada, ou à fome, ou de peste; mas o que sair e render-se aos caldeus, que vos cercam, viverá, e a vida lhe será como despojo.

[10] Pois voltei o rosto contra esta cidade, para mal e não para bem, diz o SENHOR; ela será entregue nas mãos do rei da Babilônia, e este a queimará.

[11] À casa do rei de Judá dirás: Ouvi a palavra do SENHOR!

[12] Ó casa de Davi, assim diz o SENHOR: Julgai pela manhã justamente e livrai o oprimido das mãos do opressor; para que não seja o meu furor como fogo e se acenda, sem que haja quem o apague, por causa da maldade das vossas ações.

[13] Eis que eu sou contra ti, ó Moradora do vale, ó Rocha da campina, diz o SENHOR; contra vós outros que dizeis: Quem descerá contra nós? Ou: Quem entrará nas nossas moradas?

[14] Castigar-vos-ei segundo o fruto das vossas ações, diz o SENHOR; acenderei fogo na cidade, qual bosque, o qual devorará todos os seus arredores.

[8]“Agus déarfaidh tú leis an bpobal seo: ‘Is mar seo a deir an Tiarna: Cuirim romhaibh anois slí na beatha agus slí an bháis.

[9]An té an fhanfaidh sa chathair seo éagfaidh sé leis an gclaíomh, leis an ngorta nó leis an bplá; ach mairfidh an té a rachaidh amach agus a ghéillfidh do na Caildéigh atá anois ag cur léigir ar an gcathair; beidh a bheatha aige sin mar éadáil.

[10]Óir tá m'aghaidhse curtha in éadan na cathrach seo chun oilc agus ní chun maitheasa - an Tiarna a labhraíonn. Tabharfar i láimh rí na Bablóine í, agus dófaidh sé go talamh í.’ ”

Aitheasc do Rítheaghlach Iúdá

[11]“Le rítheaghlach Iúdá. Éistigí le briathar an Tiarna,

[12]rí theaghlaigh Dháiví! Is mar seo a deir an Tiarna: ‘Gach maidin tabhair breith cheart, tarrthaigh an té a ndearnadh éigeart air as láimh fhear a ansmachta, nó léimfidh m'fhearg amach ar nós tine, loscfaidh sí agus ní bheidh fear a múchta le fáil.

[13]Is libhse a dhéanaim achrann, libhse a d'imigh chun cónaithe ag Carraig an Réitigh - an Tiarna a labhraíonn - libhse a deir: Cé bhéarfadh fogha fúinne agus a dhéanfadh a bhealach isteach inár ndaingean?

[14](Smachtóidh mé sibh de réir sochar bhur ngníomhartha - an Tiarna a labhraíonn.) Cuirfidh mé tine lena fhoraois; dófaidh sí an dúiche uile máguaird.’ ”

Jeremias 22

Profecia contra a casa real de Judá

[1] Assim diz o SENHOR: Desce à casa do rei de Judá, e anuncia ali esta palavra,

[2] e dize: Ouve a palavra do SENHOR, ó rei de Judá, que te assentas no trono de Davi, tu, os teus servos e o teu povo, que entrais por estas portas.

[3] Assim diz o SENHOR: Executai o direito e a justiça e livrai o oprimido das mãos do opressor; não oprimais ao estrangeiro, nem ao órfão, nem à viúva; não façais violência, nem derrameis sangue inocente neste lugar.

[4] Porque, se, deveras, cumprirdes esta palavra, entrarão pelas portas desta casa os reis que se assentarão no trono de Davi, em carros e montados em cavalos, eles, os seus servos e o seu povo.

[5] Mas, se não derdes ouvidos a estas palavras, juro por mim mesmo, diz o SENHOR, que esta casa se tornará em desolação.

[6] Porque assim diz o SENHOR acerca da casa do rei de Judá: Tu és para mim Gileade e a cabeça do Líbano; mas certamente farei de ti um deserto e cidades desabitadas.

[7] Designarei contra ti destruidores, cada um com as suas armas; cortarão os teus cedros escolhidos e lançá-los-ão no fogo.

Irimia 22

[1]Is é a dúirt an Tiarna: “Imigh síos go pálás rí Iúdá agus tabhair an teachtaireacht seo ansin.

[2]‘Éist le briathar an Tiarna, a rí Iúdá, a shuíonn i ríchathaoir Dháiví, thusa agus do sheirbhísigh agus do mhuintir a théann na geataí seo isteach.

[3]Is mar seo a deir an Tiarna: Cleachtaigí macántacht agus fíréantacht; saoraigí an truán as láimh an té a dhéanann leatrom air; ná déanaigí éagóir ar an gcoimhthíoch, ar an dílleachta, ar an mbaintreach; ná déan éigean; ná doirt fuil neamhchiontach san áit seo.

[4]Má dhéanann sibh amhlaidh go coinsiasach, leanfaidh ríthe atá ina suí ar ríchathaoir Dháiví orthu ag dul geataí an pháláis seo isteach, ag marcaíocht i gcarbaid agus ar eachra, iad féin a seirbhísigh agus a muintir.

[5]Ach mura n-éisteann sibh leis na briathra seo, mionnaim dar mé féin - an Tiarna a labhraíonn - go mbeidh an pálás seo ina fhásach.

[6]Sea, is mar seo a deir an Tiarna i dtaobh pálás rí Iúdá: Ba Ghileád thú agamsa, Ba bheann de chuid na Liobáine thú; mar sin féin, déanfaidh mé fásach díot, baile gan áitritheoir ann.

[7]Tá fir do mhillte tofa agam, ag gach uile fhear acu tá a thua; gearrfaidh siad anuas na céadair is fearr agat, agus teilgfidh sa tine iad.

[8] Muitas nações passarão por esta cidade, e dirá cada um ao seu companheiro: Por que procedeu o SENHOR assim com esta grande cidade?

[9] Então, se lhes responderá: Porque deixaram a aliança do SENHOR, seu Deus, e adoraram a outros deuses, e os serviram.

Contra Salum, rei de Judá

[10] Não choreis o morto, nem o lastimeis; chorai amargamente aquele que sai; porque nunca mais tornará, nem verá a terra onde nasceu.

[11] Porque assim diz o SENHOR acerca de Salum, filho de Josias, rei de Judá, que reinou em lugar de Josias, seu pai, e que saiu deste lugar: Jamais tornará para ali.

[12] Mas no lugar para onde o levaram cativo morrerá e nunca mais verá esta terra.

Contra Jeoaquim, rei de Judá

[13] Ai daquele que edifica a sua casa com injustiça e os seus aposentos, sem direito! Que se vale do serviço do seu próximo, sem paga, e não lhe dá o salário;

[14] que diz: Edificarei para mim casa espaçosa e largos aposentos, e lhe abre janelas, e forra-a de cedros, e a pinta de vermelhão.

[15] Reinarás tu, só porque rivalizas com outro em cedro? Acaso, teu pai não

[8]“ ‘Nuair a ghabhfaidh sluaite na náisiún thar an gcathair seo, déarfaidh siad lena chéile: Cad chuige go ndearna an Tiarna é seo leis an gcathair mhór seo?

[9]Is é an freagra a thabharfar: Mar thréig siad conradh an Tiarna a nDia chun déithe eile a adhradh agus fónamh a dhéanamh dóibh.’

[10]Ná golaigí ar son an mhairbh, ná caoinigí é. Ach golaigí go géar ar son an té a d'imigh, óir ní thiocfaidh sé ar ais go deo, ní fheicfidh sé a thír dhúchais arís go brách.

[11]“Óir is mar seo a dúirt an Tiarna i dtaobh Sealúm mac Ióisíá, rí Iúdá, a bhí ina rí i ndiaidh a athar Ióisíá agus arbh éigean dó imeacht ón áit seo: ‘Ní fhillfidh sé ar an áit seo níos mó

[12]ach éagfaidh sé san áit a ndearna siad cime de é; agus ní fheicfidh sé an tír seo arís.’ ”

In Aghaidh Iahóiácaím

[13]“Is mairg don té a leagann dúshraith a pháláis le héigeart, agus a sheomraí uachtair le héagóir, a thógann seirbhís a chomharsan gan tuarastal, agus nach n-íocann é ar son a shaothair,

[14]a deir: ‘Déanfaidh mé dom féin pálás fairsing le seomraí leathana in airde’, a ghearrann fuinneoga amach ann a chumhdaíonn sé le céadar agus a phéinteálann le flanndearg.

[15]An móide de rí thú daoine eile a shárú le céadair? D'ith d'athair agus d'ól sé, mar a dhéanann tusa, ach chleacht seisean

comeu, e bebeu, e não exercitou o juízo e a justiça? Por isso, tudo lhe sucedeu bem.

[16] Julgou a causa do aflito e do necessitado; por isso, tudo lhe ia bem. Porventura, não é isso conhecer-me? – diz o SENHOR.

[17] Mas os teus olhos e o teu coração não atentam senão para a tua ganância, e para derramar o sangue inocente, e para levar a efeito a violência e a extorsão.

[18] Portanto, assim diz o SENHOR acerca de Jeoaquim, filho de Josias, rei de Judá: Não o lamentarão, dizendo: Ai, meu irmão! Ou: Ai, minha irmã! Nem o lamentarão, dizendo: Ai, senhor! Ou: Ai, sua glória!

[19] Como se sepulta um jumento, assim o sepultarão; arrastá-lo-ão e o lançarão para bem longe, para fora das portas de Jerusalém.

[20] Sobe ao Líbano, ó Jerusalém, e clama; ergue a voz em Basã e clama desde Abarim, porque estão esmagados todos os teus amantes.

[21] Falei contigo na tua prosperidade, mas tu disseste: Não ouvirei. Tem sido este o teu caminho, desde a tua mocidade, pois nunca deste ouvidos à minha voz.

[22] O vento apascentará todos os teus pastores, e os teus amantes irão para o cativeiro; então, certamente ficarás envergonhada e confundida, por causa de toda a tua maldade.

[23] Ó tu que habitas no Líbano e fazes o teu ninho nos cedros! Como gemerás quando

macántacht agus ceart; mar sin bhíothas go maith aige.

[16]Dhéanadh sé breithiúnas ar chúis an bhoicht agus an easpaithigh, ansin bhíothas go maith aige. Nach é sin mise a aithint? - an Tiarna a labhraíonn.

[17]Ach níl do shúilese ná do chroí ach ar son do shainte féin, a dhoirteadh fuil neamhchiontaigh agus chun sáraithe, agus foréigean a dhéanamh.”

[18]Ar an ábhar sin is mar seo a deir an Tiarna i dtaobh Iahóiácaím mac Ióisíá, rí Iúdá: “Bás don fhear sin! Ná caoinigí é: ‘Uch a dhearthháir! ’ ‘Uch a dheirfiúr! ’ Ná caoinigí ar a shon: ‘Uch, a thiarna! ’ ‘Uch, a mhórgacht! ’

[19]Adhlacfar é le hadhlacadh asail, á tharraingt ar shiúl agus á chaitheamh amach as geataí Iarúsailéim.”

In Aghaidh Iahóiácaím

[20]“Imigh suas chuig an Liobáin agus éigh, tóg suas do ghuth i mBáiseán, scread as Abáraím anall, óir do scriosadh d'aos grá uile!

[21]Labhair mise leat i do shonas, ach dúirt tú: ‘Ní éistfidh mé.’ Ba é seo do bhéasa ó d'óige; níor umhlaigh tú do mo ghuthsa.

[22]Séidfidh an ghaoth do thréadaithe uile go malairt féaraigh; rachaidh d'aos grá i mbraighdeanas. Go deimhin féadann náire agus ceann faoi a bheith ort anois ag smaoineamh duit ar do chionta uile.

[23]Tusa a rinne cónaí sa Liobáin, a neadaigh i measc na gcéadar, cé mar a

te vierem as dores e as angústias como da que está de parto!

Contra Jeconias, rei de Judá

24 Tão certo como eu vivo, diz o SENHOR, ainda que Jeconias, filho de Jeoaquim, rei de Judá, fosse o anel do selo da minha mão direita, eu dali o arrancaria.

25 Entregar-te-ei, ó rei, nas mãos dos que procuram tirar-te a vida e nas mãos daqueles a quem temes, a saber, nas mãos de Nabucodonosor, rei da Babilônia, e nas mãos dos caldeus.

26 Lançar-te-ei a ti e a tua mãe, que te deu à luz, para outra terra, em que não nasceste; e ali morrereis.

27 Mas à terra da qual eles têm saudades, a ela não tornarão.

28 Acaso, é este Jeconias homem vil, coisa quebrada ou objeto de que ninguém se agrada? Por que foram lançados fora, ele e os seus filhos, e arrojados para a terra que não conhecem?

29 Ó terra, terra, terra! Ouve a palavra do SENHOR!

30 Assim diz o SENHOR: Registrai este como se não tivera filhos; homem que não prosperará nos seus dias, e nenhum dos seus filhos prosperará, para se assentar no trono de Davi e ainda reinar em Judá.

Jeremias 23

Profecia contra os maus pastores

dhéanfaidh tú cneadach nuair a thiocfaidh na doitheacha ort, an phian amhail bean in íona.”

24“Faoi mar a mhairim - an Tiarna a labhraíonn - dá mbeadh Coiniá mac Iahóiácaím rí Iúdá, ina fháinne séala ar mo dheasláimh, mar sin féin tharraingeoinn as sin é.

25Tabharfaidh mé thú i lámha na muintire a iarrann do bhás, i láimh an dreama a bhfuil eagla ort rompu, i láimh Nabúcadnazar rí na Bablóine, i láimh na gCaildéach.

26Tusa agus do mháthair a rug thú, caithfidh mé amach sibh go tír eile; ní ann a rugadh sibh ach is ann a gheobhaidh sibh beirt bás.

27Ní fhillfidh siad chun na tíre inar mian leo filleadh.”

28An pota briste, beagmhaitheasach é, an fear seo Coiniá, an soitheach é gan dúil ag aon duine ann? Cad chuige ar teilgeadh amach iad, é féin agus a shliocht, ar teilgeadh iad do thír nach aithnid dóibh?

29Ó a thalaimh, a thalaimh, a thalaimh, éist le briathar an Tiarna!

30Is mar seo a deir an Tiarna “Scríobhaigí an fear seo faoin teideal: gan chlann; duine nár rug biseach lena laethanta, óir ní thiocfaidh le haon fhear dá shliocht suí i ríchathaoir Dháiví, ná rialú arís in Iúdá.”

Irimia 23

An Rí atá le Teacht

[1] Ai dos pastores que destroem e dispersam as ovelhas do meu pasto! – diz o SENHOR.
[2] Portanto, assim diz o SENHOR, o Deus de Israel, contra os pastores que apascentam o meu povo: Vós dispersastes as minhas ovelhas, e as afugentastes, e delas não cuidastes; mas eu cuidarei em vos castigar a maldade das vossas ações, diz o SENHOR.
[3] Eu mesmo recolherei o restante das minhas ovelhas, de todas as terras para onde as tiver afugentado, e as farei voltar aos seus apriscos; serão fecundas e se multiplicarão.
[4] Levantarei sobre elas pastores que as apascentem, e elas jamais temerão, nem se espantarão; nem uma delas faltará, diz o SENHOR.

Profecia sobre o Renovo de Davi
Jeremias 33.14-16

[5] Eis que vêm dias, diz o SENHOR, em que levantarei a Davi um Renovo justo; e, rei que é, reinará, e agirá sabiamente, e executará o juízo e a justiça na terra.

[6] Nos seus dias, Judá será salvo, e Israel habitará seguro; será este o seu nome, com que será chamado: SENHOR, Justiça Nossa.
[7] Portanto, eis que vêm dias, diz o SENHOR, em que nunca mais dirão: Tão certo como vive o SENHOR, que fez subir os filhos de Israel da terra do Egito;
[8] mas: Tão certo como vive o SENHOR, que fez subir, que trouxe a descendência

[1]“Is mairg do na haoirí a ligeann do chaoirigh m'innilte imeacht ar aimhleas agus ar fán - an Tiarna a labhraíonn.
[2]Dá bhrí sin, is é seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael, i dtaobh na n-aoirí a bheathaíonn mo phobal: Lig sibh scaipeadh agus seachrán a theacht ar mo thréad agus níor thug aon aire dóibh. Féach, agróidh mise oraibhse olc bhur ngníomhartha - an Tiarna a labhraíonn.
[3]Ach cruinneoidh mé féin fuílleach mo thréada as gach uile thír inar dhíbir mé iad, agus tabharfaidh mé ar ais iad chun a dtalamh féaraigh: beidh siad síolmhar agus méadófar iad.
[4]Cuirfidh mé aoirí os a gcionn a bheathóidh iad; ní bheidh eagla orthu níos mó, ná uamhan; ní bheidh easnamh ar bith orthu - an Tiarna a labhraíonn.

[5]Feach, tá na laethanta ag teacht - an Tiarna a labhraíonn - agus ardóidh mé do Dháiví beangán fíréanta; rialóidh sé ina rí go críonna, agus déanfaidh sé breithiúnas agus ceart sa talamh.
[6]Ina laethanta siúd sábhálfar Iúdá agus cónóidh Iosrael faoi dhóchas. Is é seo an t-ainm a bhéarfar air: An Tiarna ár bhfíréantacht.
[7]“Mar sin, tá na laethanta ag teacht - an Tiarna a labhraíonn - nach ndéarfaidh daoine níos mó: ‘Go maire an Tiarna a thug clann Iosrael as críoch na hÉigipte! ’
[8]ach: ‘Go maire an Tiarna a thug ar ais agus a threoraigh abhaile sliocht theach

da casa de Israel da terra do Norte e de todas as terras para onde os tinha arrojado; e habitarão na sua terra.

Contra os falsos profetas

[9] Acerca dos profetas. O meu coração está quebrantado dentro de mim; todos os meus ossos estremecem; sou como homem embriagado e como homem vencido pelo vinho, por causa do SENHOR e por causa das suas santas palavras.

[10] Porque a terra está cheia de adúlteros e chora por causa da maldição divina; os pastos do deserto se secam; pois a carreira dos adúlteros é má, e a sua força não é reta.

[11] Pois estão contaminados, tanto o profeta como o sacerdote; até na minha casa achei a sua maldade, diz o SENHOR.

[12] Portanto, o caminho deles será como lugares escorregadios na escuridão; serão empurrados e cairão nele; porque trarei sobre eles calamidade, o ano mesmo em que os castigarei, diz o SENHOR.

[13] Nos profetas de Samaria bem vi eu loucura; profetizavam da parte de Baal e faziam errar o meu povo de Israel.

[14] Mas nos profetas de Jerusalém vejo coisa horrenda; cometem adultérios, andam com falsidade e fortalecem as mãos dos malfeitores, para que não se convertam cada um da sua maldade; todos eles se tornaram para mim como Sodoma, e os moradores de Jerusalém, como Gomorra.

Iosrael as an tír thuaidh agus as gach uile thír inar dhíbir sé iad, le go ndéanfaidís cónaí ina dtír féin.' "

In Aghaidh Fáithe Bréige

[9]I dtaobh na bhfáithe: Tá mo chroí istigh ionam briste, creathnaíonn mo chnámha uile; is cosúil le fear meisce mé; is cosúil le fear a chloígh fíon mé mar gheall ar an Tiarna agus a bhriathra naofa; tá an tír lán d'adhaltranaigh.

[10](Is mar gheall ar na fir seo tá an tír ag mairgneach agus a triomaíodh féaraigh an fhásaigh.) "Chun olc a dhéanamh tá siad mear agus is é an mícheart a neart.

[11]Sea, go fiú na fáithe agus na sagart, tá siad aindiaga; i mo theach féin fuair mé a n-urchóid - an Tiarna a labhraíonn.

[12]Ar an ábhar seo is sleamhain an tslí atá ag síneadh rompu; sa dorchacht mar a ndíbreofar iad is ann a thitfidh siad. Óir tabharfaidh mise olc orthu i mbliain a bhféachana - an Tiarna a labhraíonn.

[13]I bhfáithe na Samáire chonaic mé nithe a chuir samhnas orm: thairngreadar trí Bhál agus chuir siad mo phobal Iosrael ar seachrán.

[14]Ach i bhfáithe Iarúsailéim chonaic mé na nithe gránna: adhaltranas, síoréitheach, an oiread sin neartú lucht na míghníomhartha, nach bhfilleann aon duine óna olc; tá siad domsa mar Shodom, a háitritheoirí uile domsa mar Ghomorá.

[15] Portanto, assim diz o SENHOR dos Exércitos acerca dos profetas: Eis que os alimentarei com absinto e lhes darei a beber água venenosa; porque dos profetas de Jerusalém se derramou a impiedade sobre toda a terra.

[16] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Não deis ouvidos às palavras dos profetas que entre vós profetizam e vos enchem de vãs esperanças; falam as visões do seu coração, não o que vem da boca do SENHOR.

[17] Dizem continuamente aos que me desprezam: O SENHOR disse: Paz tereis; e a qualquer que anda segundo a dureza do seu coração dizem: Não virá mal sobre vós.

[18] Porque quem esteve no conselho do SENHOR, e viu, e ouviu a sua palavra? Quem esteve atento à sua palavra e a ela atendeu?

[19] Eis a tempestade do SENHOR! O furor saiu, e um redemoinho tempestuou sobre a cabeça dos perversos.

[20] Não se desviará a ira do SENHOR, até que ele execute e cumpra os desígnios do seu coração; nos últimos dias, entendereis isso claramente.

[21] Não mandei esses profetas; todavia, eles foram correndo; não lhes falei a eles; contudo, profetizaram.

[22] Mas, se tivessem estado no meu conselho, então, teriam feito ouvir as minhas palavras ao meu povo e o teriam

[15]Ar an ábhar sin is mar seo a deir Tiarna na Slua i dtaobh na bhfáithe: Anois beathóidh mé iad le mormónta, agus tabharfaidh mé uisce nimhiúil dóibh le hól, mar is ó fháithe Iarúsailéim amach a leathnaigh aindiagacht ar fud na dúiche.

[16]Is mar seo a deir Tiarna na Slua: Ná héistigí le briathra na bhfáithe úd; is do bhur mealladh atá siad, aithriseann siad físeanna a gcroí féin, agus ní as béal an Tiarna;

[17]leis an dream a dhiúltaíonn do bhriathar an Tiarna deir siad, 'Gheobhaidh sibh síocháin', agus leo siúd a shiúlann de réir comhairlí a gcruachroí féin: 'Ní thiocfaidh olc ar bith oraibh.' "

[18](Ach cé a bhí i láthair ag comhairle an Tiarna? Cé a chonaic í agus a chuala a bhriathar? Cé a d'éist lena bhriathar le go bhfógróidh sé é?)

[19]Anois éiríonn anfa an Tiarna, séideann an stoirm ghaoithe, briseann sí ar cheann na ndrochdhaoine;

[20]ní fhillfidh fearg an Tiarna go gcríochnaí, agus go gcomhlíona sé comhairle a chroí. Tuigfidh sibh é sin go soiléir sna laethanta atá ag teacht.

[21]"Ní mise a sheol na fáithe seo uaim, ina dhiaidh sin bíonn siad ag rith; ní leo a labhair mé; ina dhiaidh sin bíonn siad ag tairngreacht.

[22]An raibh siad i láthair ag mo chomhairle? Má bhí, fógraídís mo bhriathra do mo phobal, agus tabhraidís

feito voltar do seu mau caminho e da maldade das suas ações.

orthu filleadh óna slí urchóideach agus ó olc a ngníomhartha.

23 Acaso, sou Deus apenas de perto, diz o SENHOR, e não também de longe?

23An Dia i ngar mise - an Tiarna a labhraíonn - agus nach Dia mé i bhfad uait?

24 Ocultar-se-ia alguém em esconderijos, de modo que eu não o veja? – diz o SENHOR; porventura, não encho eu os céus e a terra? – diz o SENHOR.

24An bhféadann aon duine é féin a fholach i gcúinne dorcha agus nach bhfeicfidh mise é? - an Tiarna a labhraíonn. Nach líonann mise neamh agus talamh? - an Tiarna a labhraíonn.

25 Tenho ouvido o que dizem aqueles profetas, proclamando mentiras em meu nome, dizendo: Sonhei, sonhei.

25“Chuala mé céard a dúirt na fáithe a thairngreann i m'ainmse.’Rinneadh brionglóid dom, ’ a deir siad, ‘rinneadh brionglóid dom! ’

26 Até quando sucederá isso no coração dos profetas que proclamam mentiras, que proclamam só o engano do próprio coração?

26Cá fhad a bheidh seo i gcroíthe na bhfáithe a thairngreann bréaga, fáistine a thabhairt ar chealga a gcroí féin?

27 Os quais cuidam em fazer que o meu povo se esqueça do meu nome pelos seus sonhos que cada um conta ao seu companheiro, assim como seus pais se esqueceram do meu nome, por causa de Baal.

27Síleann siad a thabhairt ar mo phobal m'ainm a dhearmad leis na haislingí a insíonn siad dá chéile, díreach mar a dhearmaid a n-aithreacha m'ainm ar son Bhál.

28 O profeta que tem sonho conte-o como apenas sonho; mas aquele em quem está a minha palavra fale a minha palavra com verdade. Que tem a palha com o trigo? – diz o SENHOR.

28“An fáidh ag a mbíonn aisling, insíodh sé gur leis féin a aisling! Agus an té ag a bhfuil mo bhriatharsa, labhraíodh sé go beacht é! Céard é baint na cátha leis an gcruithneacht? - an Tiarna a labhraíonn.

29 Não é a minha palavra fogo, diz o SENHOR, e martelo que esmiúça a penha?

29Nach ndónn mo bhriatharsa ar nós tine - an Tiarna a labhraíonn - nach cosúil é le hord a bhriseann an charraig ina smidiríní?

[30] Portanto, eis que eu sou contra esses profetas, diz o SENHOR, que furtam as minhas palavras, cada um ao seu companheiro.

[31] Eis que eu sou contra esses profetas, diz o SENHOR, que pregam a sua própria palavra e afirmam: Ele disse.

[32] Eis que eu sou contra os que profetizam sonhos mentirosos, diz o SENHOR, e os contam, e com as suas mentiras e leviandades fazem errar o meu povo; pois eu não os enviei, nem lhes dei ordem; e também proveito nenhum trouxeram a este povo, diz o SENHOR.

[33] Quando, pois, este povo te perguntar, ou qualquer profeta, ou sacerdote, dizendo: Qual é a sentença pesada do SENHOR? Então, lhe dirás: Vós sois o peso, e eu vos arrojarei, diz o SENHOR.

[34] Quanto ao profeta, e ao sacerdote, e ao povo que disser: Sentença pesada do SENHOR, a esse homem eu castigarei e a sua casa.

[35] Antes, direis, cada um ao seu companheiro e cada um ao seu irmão: Que respondeu o SENHOR? Que falou o SENHOR?

[36] Mas nunca mais fareis menção da sentença pesada do SENHOR; porque a cada um lhe servirá de sentença pesada a sua própria palavra; pois torceis as

[30]“Mar sin, féach, táimse in aghaidh na bhfáithe - an Tiarna a labhraíonn - a ghoideann mo bhriathra óna chéile.

[31]Táimse in aghaidh na bhfáithe - an Tiarna a labhraíonn - nach lia corraí teanga astu ná tairngreacht.

[32]Táimse in aghaidh na bhfáithe a dhéanann tairngreachtaí as brionglóidí bréagacha - an Tiarna a labhraíonn - a insíonn iad, agus a thugann ar mo phobal seachránú lena mbréaga agus lena gcur i gcéill. Ní mise go cinnte a chuir uaim iad ná a thug aon ordú dóibh, agus ní aon tairbhe don phobal seo iad - an Tiarna a labhraíonn.

[33]“Agus nuair a fhiafróidh na daoine seo, fáidh nó sagart, díotsa: ‘Céard é ualach an Tiarna? ’ déarfaidh tú leis: ‘Tusa, is tusa ualach an Tiarna; is ea, tusa, agus cuirfidh mé díom thú! an Tiarna a labhraíonn.’

[34]“Agus an fáidh, sagart, nó aon duine eile a déarfaidh: ‘Ualach an Tiarna’, gearrfaidh mise pionós ar an bhfear sin, agus ar a theaghlach freisin.

[35]Is mar seo ba cheart daoibh labhairt, gach uile dhuine lena chomharsa agus gach aon lena dheartháir: ‘Céard a d'fhreagair an Tiarna? ’ nó ‘Céard a dúirt an Tiarna? ’

[36]Ach ná leanaigí oraibh á rá: ‘Ualach an Tiarna’, nó is ualach a bheidh ann cinnte don té a deir é, mar claonann sibh briathra Dé bheo, Tiarna na Slua, ár nDia.

palavras do Deus vivo, do SENHOR dos Exércitos, o nosso Deus.

[37] Assim dirás ao profeta: Que te respondeu o SENHOR? Que falou o SENHOR?

[38] Mas, porque dizeis: Sentença pesada do SENHOR, assim o diz o SENHOR: Porque dizeis esta palavra: Sentença pesada do SENHOR (havendo-vos eu proibido de dizerdes esta palavra: Sentença pesada do SENHOR),

[39] por isso, levantar-vos-ei e vos arrojarei da minha presença, a vós outros e à cidade que vos dei e a vossos pais.

[40] Porei sobre vós perpétuo opróbrio e eterna vergonha, que jamais será esquecida.

[37]Is mar seo a déarfaidh tú leis an bhfáidh: ‘Cén freagra a thug an Tiarna? ’ nó: ‘Céard a dúirt an Tiarna? ’

[38]Ach má deir tú: ‘Ualach an Tiarna’, is ansin a deir an Tiarna: ‘De bhrí go n-abrann tú na focail seo: Ualach an Tiarna; agus gur chros mise oraibh a rá: Ualach an Tiarna;

[39]mar sin tógfaidh mise suas sibh féin, agus an chathair a thug mé daoibh agus do bhur sinsir, agus caithfidh mé as mo radharc sibh.

[40]Tabharfaidh mé oraibh scannal síoraí agus náire bhuan dhodhearmadta.’ ”

Jeremias 24

A visão dos dois cestos de figos

[1] Fez-me ver o SENHOR, e vi dois cestos de figos postos diante do templo do SENHOR, depois que Nabucodonosor, rei da Babilônia, levou em cativeiro a Jeconias, filho de Jeoaquim, rei de Judá, e os príncipes de Judá, e os artífices, e os ferreiros de Jerusalém e os trouxe à Babilônia.

[2] Tinha um cesto figos muito bons, como os figos temporãos; mas o outro, ruins, que, de ruins que eram, não se podiam comer.

[3] Então, me perguntou o SENHOR: Que vês tu, Jeremias? Respondi: Figos; os figos

Irimia 24

An Dá Chliabh Fígí

[1]Thaispeáin an Tiarna fís dom: bhí dhá chliabh fígí curtha os comhair Theampall an Tiarna amach. Tharla sé seo tar éis Nabúcadnazar, rí na Bablóine, a bhreith Iacoiniá mac Iahóiácaím, rí Iúdá, leis i láimh as Iarúsailéim, agus uaisle uile Iúdá, in éineacht leis na gaibhne agus na ceardaithe, agus iad a bhreith don Bhablóin.

[2]Bhí fígí maithe i gcliabh amháin díobh, cosúil leis na fígí a bhíonn aibí i dtús; sa chliabh eile bhí fígí an olca, nárbh fhéidir a ithe ar a n-olcas.

[3]Ansin dúirt an Tiarna liomsa: “Céard a fheiceann tú, a Irimia?” Dúirt mise: “Fígí,

muito bons e os muito ruins, que, de ruins que são, não se podem comer.

[4] A mim me veio a palavra do SENHOR, dizendo:

[5] Assim diz o SENHOR, o Deus de Israel: Do modo por que vejo estes bons figos, assim favorecerei os exilados de Judá, que eu enviei deste lugar para a terra dos caldeus.

[6] Porei sobre eles favoravelmente os olhos e os farei voltar para esta terra; edificá-los-ei e não os destruirei, plantá-los-ei e não os arrancarei.

[7] Dar-lhes-ei coração para que me conheçam que eu sou o SENHOR; eles serão o meu povo, e eu serei o seu Deus; porque se voltarão para mim de todo o seu coração.

[8] Como se rejeitam os figos ruins, que, de ruins que são, não se podem comer, assim tratarei a Zedequias, rei de Judá, diz o SENHOR, e a seus príncipes, e ao restante de Jerusalém, tanto aos que ficaram nesta terra como aos que habitam na terra do Egito.

[9] Eu os farei objeto de espanto, calamidade para todos os reinos da terra; opróbrio e provérbio, escárnio e maldição em todos os lugares para onde os arrojarei.

na cinn mhaithe rómhaith, na droch-chinn ró-olc ionas nach féidir iad a ithe ar a n-olcas.”

[4]Tháinig briathar an Tiarna chugam á rá:

[5]“Is mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael: ‘Faoi mar is maith iad na fígí seo, is amhlaidh sin a rachaidh mé i gcúram lucht deoraíocht Iúdá a sheol mé amach as an áit seo go tír na gCaildéach.

[6]Cuirfidh mé mo shúile orthu ar mhaithe leo agus tabharfaidh mé ar ais don dúiche seo arís iad. Tógfaidh mé iad agus ní leagfaidh mé anuas iad, cuirfidh mé i dtalamh iad agus ní tharraingeoidh mé aníos iad.

[7]Tabharfaidh mé croí dóibh le go n-aithneoidh siad gur mise an Tiarna. Beidh siad ina bpobal agamsa agus beidh mise i mo Dhia acusan, óir fillfidh siad orm ó lán a gcroí.

[8]Maidir leis na drochfhígí, nárbh fhéidir a ithe ar a n-olcas - go deimhin is mar seo a deir an Tiarna - is amhlaidh sin a dhéanfaidh mé le Zidicíá rí Iúdá, a phrionsaí agus fuílleach Iarúsailéim a d'fhan sa tír seo, agus fós an dream a chónaíonn i gcríoch na hÉigipte.

[9]Déanfaidh mé díol uafáis díobh i súile ríochtaí uile na talún, chun bheith ina scannal, ina leathfhocal, ina gceap magaidh, ina mallú san uile áit a ndíbreoidh mé iad.

[10] Enviarei contra eles a espada, a fome e a peste, até que se consumam de sobre a terra que lhes dei, a eles e a seus pais.

Jeremias 25

Setenta anos de cativeiro

[1] Palavra que veio a Jeremias acerca de todo o povo de Judá, no ano quarto de Jeoaquim, filho de Josias, rei de Judá, ano que era o primeiro de Nabucodonosor, rei da Babilônia,

[2] a qual anunciou Jeremias, o profeta, a todo o povo de Judá e a todos os habitantes de Jerusalém, dizendo:

[3] Durante vinte e três anos, desde o décimo terceiro de Josias, filho de Amom, rei de Judá, até hoje, tem vindo a mim a palavra do SENHOR, e, começando de madrugada, eu vo-la tenho anunciado; mas vós não escutastes.

[4] Também, começando de madrugada, vos enviou o SENHOR todos os seus servos, os profetas, mas vós não os escutastes, nem inclinastes os ouvidos para ouvir,

[5] quando diziam: Convertei-vos agora, cada um do seu mau caminho e da maldade das suas ações, e habitai na terra que o SENHOR vos deu e a vossos pais, desde os tempos antigos e para sempre.

[6] Não andeis após outros deuses para os servirdes e para os adorardes, nem me provoqueis à ira com as obras de vossas mãos; não vos farei mal algum.

[10]Cuirfidh mé an claíomh, an gorta agus an phlá ina gcoinne go scriosfar iad as an talamh a thug mé dóibh féin agus dá n-aithreacha.”

Irimia 25

An Bhablóin Sciúirse an Tiarna

[1]An briathar a tháinig go Irimia i dtaobh phobal Iúdá uile sa cheathrú bliain de Iahóiácaím mac Ióisíá, rí Iúdá (b'í sin an chéad bhliain de réimeas Nabúcadnazar rí na Bablóine).

[2]D'fhógair an fáidh Irimia é i láthair phobal uile Iúdá agus i láthair mhuintir Iarúsailéim uile:

[3]“Le trí bliana agus fiche, ón treas bliain déag de réimeas Ióisíá mac Ámón, rí Iúdá, go dtí inniu, tháinig briathar an Tiarna chugamsa agus labhair mé libhse gan scor (ach níor éist sibh.

[4]Agus chuir an Tiarna chugaibh gan scor a sheirbhísigh uile na fáithe, ach níor éist sibh, ná níor thug sibh aird).

[5]Ba é a dúirt siad: ‘Filligí gach aon agaibh óna dhrochshlí, agus ó olc bhur ngníomhartha, agus fanfaidh sibh ar an talamh a thug an Tiarna analló daoibh féin agus do bhur n-aithreacha le saol na saol.

[6](Agus ná himígí i ndiaidh déithe eile d'fhónamh dóibh agus á n-adhradh; ná brostaigí mise chun feirge le hoibreacha bhur lámh féin; agus ní dhéanfaidh mé dochar daoibh.’)

[7] Todavia, não me destes ouvidos, diz o SENHOR, mas me provocastes à ira com as obras de vossas mãos, para o vosso próprio mal.

[8] Portanto, assim diz o SENHOR dos Exércitos: Visto que não escutastes as minhas palavras,

[9] eis que mandarei buscar todas as tribos do Norte, diz o SENHOR, como também a Nabucodonosor, rei da Babilônia, meu servo, e os trarei contra esta terra, contra os seus moradores e contra todas estas nações em redor, e os destruirei totalmente, e os porei por objeto de espanto, e de assobio, e de ruínas perpétuas.

[10] Farei cessar entre eles a voz de folguedo e a de alegria, e a voz do noivo, e a da noiva, e o som das mós, e a luz do candeeiro.

[11] Toda esta terra virá a ser um deserto e um espanto; estas nações servirão ao rei da Babilônia setenta anos.

[12] Acontecerá, porém, que, quando se cumprirem os setenta anos, castigarei a iniqüidade do rei da Babilônia e a desta nação, diz o SENHOR, como também a da terra dos caldeus; farei deles ruínas perpétuas.

[13] Farei que se cumpram sobre aquela terra todas as minhas ameaças que proferi contra ela, tudo quanto está escrito neste livro, que profetizou Jeremias contra todas as nações.

[7]Ach níor éist sibh liom (- an Tiarna a labhraíonn - agus bhrostaigh sibh anois mé chun feirge le hoibreacha bhur lámh, chun bhur ndochair féin).

[8]Ar an ábhar sin, is mar seo a deir Tiarna na Slua, de bhrí nár éist sibh le mo bhriathar,

[9]cuirfidh mé fios anois ar chlann uile an tuaiscirt (an Tiarna a labhraíonn - ag tagairt do Nabúcadnazar rí na Bablóine, mo sheirbhíseach) agus tabharfaidh mé anuas ar an tír seo iad agus ar a háitritheoirí (agus ar na ciníocha seo uile máguaird); scriosfaidh mé iad agus déanfaidh mé uafás díobh, agus scige agus náire shíoraí.

[10]"Tógfaidh mé uathu gáir an tsúgartha agus na meidhre, gártha an fhir nuaphósta agus na brídeoige, tormán na brón muilinn agus solas an lóchrainn.

[11]Scriosfar an tír ar fad agus beidh sí ina fásach, fad a fhanfaidh siad ina sclábhaithe i measc na gciníocha go ceann seachtó bliain.

[12](Ach nuair a bheidh an seachtó bliain istigh, gearrfaidh mé pionós ar rí na Bablóine agus ar an gcine sin - an Tiarna a labhraíonn - san éigeart a rinne siad, agus pionós ar thír na gCaildéach freisin, agus déanfaidh mé fásach síoraí di.)

[13]Tabharfaidh mé ar an tír sin na briathra go léir a labhair mé ina haghaidh, an uile ní dá bhfuil scríofa sa leabhar seo."

Oracail in Aghaidh na Náisiún

[14] Porque também eles serão escravos de muitas nações e de grandes reis; assim, lhes retribuirei segundo os seus feitos e segundo as obras das suas mãos.

O cálice da ira de Deus contra as nações

[15] Porque assim me disse o SENHOR, o Deus de Israel: Toma da minha mão este cálice do vinho do meu furor e darás a beber dele a todas as nações às quais eu te enviar.

[16] Para que bebam, e tremam, e enlouqueçam, por causa da espada que eu enviarei para o meio delas.

[17] Recebi o cálice da mão do SENHOR e dei a beber a todas as nações às quais o SENHOR me tinha enviado:

[18] a Jerusalém, às cidades de Judá, aos seus reis e aos seus príncipes, para fazer deles uma ruína, objeto de espanto, de assobio e maldição, como hoje se vê;

[19] a Faraó, rei do Egito, a seus servos, a seus príncipes e a todo o seu povo;

[20] a todo misto de gente, a todos os reis da terra de Uz, a todos os reis da terra dos filisteus, a Asquelom, a Gaza, a Ecrom e ao resto de Asdode;

[21] a Edom, a Moabe e aos filhos de Amom;

[22] a todos os reis de Tiro, a todos os reis de Sidom e aos reis das terras dalém do mar;

[23] a Dedã, a Tema, a Buz e a todos os que cortam os cabelos nas têmporas;

[24] a todos os reis da Arábia e todos os reis do misto de gente que habita no deserto;

Réamhrá (cf. cc. -): Fís an Chupáin

[14]An rud a thairngir Irimia in aghaidh na gciníocha uile. (“Óir cuirfear iad seo i ndaoirse; mar an gcéanna do chiníocha cumhachtacha agus do ríthe móra, agus cúiteoidh mise leo de réir a ngníomhartha agus de réir oibreacha a lámh féin.”)

[15]Is mar seo a labhair an Tiarna, Dia Iosrael, liomsa: “Glac an cupán fíona seo as mo láimh agus tabhair ar an uile chine chuig a gcuirfidh mise thú, ól as;

[16]ólaidís agus luascaidís agus bídís ar mearbhall mar gheall ar an gclaíomh a chuirfidh mé ina measc.”

[17]Ghlac mise an cupán as láimh an Tiarna agus thug mé ar na ciníocha uile chuig ar chuir an Tiarna mé, a ól,

[18](Iarúsailéim agus bailte Iúdá, a ríthe siúd agus a bprionsaí a dhéanamh fásaigh agus uafáis díobh, agus magaidh agus mallaithe mar atá inniu);

[19]Forann rí na hÉigipte, mar aon lena sheirbhísigh, a uaisle agus a dhaoine uile.

[20]Na heachtrannaigh uile lena gcois (ríthe uile thír Úz); ríthe uile thír na bhFilistíneach, Aiscileon, Gazá, Eacrón agus fuílleach Aisdeod,

[21]Eadóm, Móáb, agus clann Ámón;

[22]ríthe uile Thuíre, ríthe uile Shíodón, agus ríthe na n-insí taobh thall d'fharraige,

[23]Déadán, Téamá, agus Búz, agus na Bearracháin uile,

[24]ríthe uile na hAráibe a chónaíonn san fhásach,

[25] a todos os reis de Zinri, a todos os reis de Elão e a todos os reis da Média;

[26] a todos os reis do Norte, os de perto e os de longe, um após outro, e a todos os reinos do mundo sobre a face da terra; e, depois de todos eles, ao rei da Babilônia.

[27] Pois lhes dirás: Assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Bebei, embebedai-vos e vomitai; caí e não torneis a levantar-vos, por causa da espada que estou enviando para o vosso meio.

[28] Se recusarem receber o cálice da tua mão para beber, então, lhes dirás: Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Tereis de bebê-lo.

[29] Pois eis que na cidade que se chama pelo meu nome começo a castigar; e ficareis vós de todo impunes? Não, não ficareis impunes, porque eu chamo a espada sobre todos os moradores da terra, diz o SENHOR dos Exércitos.

[30] Tu, pois, lhes profetizarás todas estas palavras e lhes dirás: O SENHOR lá do alto rugirá e da sua santa morada fará ouvir a sua voz; rugirá fortemente contra a sua malhada, com brados contra todos os moradores da terra, como o eia! dos que pisam as uvas.

[31] Chegará o estrondo até à extremidade da terra, porque o SENHOR tem contenda com as nações, entrará em juízo contra toda carne; os perversos entregará à espada, diz o SENHOR.

[25](ríthe uile Zimrí) agus ríthe uile Éalám, agus ríthe uile Méide,

[26]ríthe uile an tuaiscirt i bhfogas agus i gcéin, ceann ar cheann; agus na ríochtaí uile atá ar chlár na talún. (Maidir le rí Shéiseac, ólfaidh seisean ar deireadh.)

[27]“Déarfaidh tú leo: ‘Is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: Ólaigí! Bígí ar meisce! Sceithigí! Titigí, agus ná héirigí níos mó, de bharr an chlaímh atáim a chur in bhur measc.’

[28]Má dhiúltaíonn siad an cupán a ghlacadh as do láimh agus a ól, déarfaidh tú é seo leo: ‘Is mar seo a deir Tiarna na Slua: Is éigean daoibh ól!

[29]Ó tá mé ag tosú ar olc a thabhairt ar an gcathair ar a dtugtar m'ainm, an dóigh libh go rachaidh sibhse gan smachtú? Go deimhin ní rachaidh, óir ansin glaofaidh mé ar chlaíomh in aghaidh áitritheoirí uile na talún - Tiarna na Slua a labhraíonn.’

[30]“Tairngir thusa ina n-aghaidh na briathra seo uile, agus abair leo: ‘Nuallann an Tiarna ón ard, labhraíonn sé óna shanctóir naofa; béiceann os ard in aghaidh a chró caorach; ligeann gáir amhail an dream a shiúlann ar na caora. Cluineann áitritheoirí uile na talún an tormán;

[31]sroicheann sé imill imigéiniúla an domhain. Óir tá an Tiarna ag cúisiú na náisiún, ag tabhairt an uile fheoil chun breithiúnais; tugann sé don chlaíomh na hurchóidigh - an Tiarna a labhraíonn.’

[32] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Eis que o mal passa de nação para nação, e grande tormenta se levanta dos confins da terra.

[33] Os que o SENHOR entregar à morte naquele dia se estenderão de uma a outra extremidade da terra; não serão pranteados, nem recolhidos, nem sepultados; serão como esterco sobre a face da terra.

[34] Uivai, pastores, e clamai; revolvei-vos na cinza, vós, donos dos rebanhos, porque já se cumpriram os vossos dias de matardes e dispersardes, e vós mesmos caireis como jarros preciosos.

[35] Não haverá refúgio para os pastores, nem salvamento para os donos dos rebanhos.

[36] Eis o grito dos pastores, o uivo dos donos dos rebanhos! Porque o SENHOR está destruindo o pasto deles.

[37] Porque as suas malhadas pacíficas serão devastadas, por causa do brasume da ira do SENHOR.

[38] Saiu da sua morada como o filho de leão; porque a terra deles foi posta em ruínas, por causa do furor da espada e por causa do brasume da ira do SENHOR.

[32]Is mar seo a deir Tiarna na Slua: 'Féach, leathnaíonn an t-olc ó chine go cine éiríonn anfa mór ó imill imigéiniúla an domhain.'

[33]"Beidh mairbh an Tiarna sa lá sin scaipthe ó cheann ceann na cruinne. Ní chaoinfear iad; ní chruinneofar iad ná ní mó a adhlacfar iad; fanfaidh siad ar éadan na talún mar aoileach.

[34]Uailligí a thréadaithe na gcaorach, éimhigí, únfairtigí ar an talamh, a thiarnaí na dtréad, óir tá laethanta bhur n-eirligh ar láimh, fearacht na reithí is deise, titfidh sibh.

[35]Níl dídean anois ag na haoirí, níl éalú ag tiarnaí na dtréad!

[36]Éist! uaill éimhe na n-aoirí, guthanna thiarnaí na dtréad! Óir mhill an Tiarna a n-iníor,

[37]tá a gceapóga ciúine scriosta, [de bharr díbheirg fhíochmhar an Tiarna].

[38]Tá an leon tar éis a uachais a fhágáil, anois tá a dtír ina fhásach, de bharr an chlaímh mhillte, de bharr díbheirg fhíochmhar an Tiarna."

Jeremias 26

Jeremias ameaçado de morte

[1] No princípio do reinado de Jeoaquim, filho de Josias, rei de Judá, veio esta palavra do SENHOR:

Irimia 26

Fáistiní Séin
Gabháil agus Daoradh Irimia

[1]I dtosach réim Iahóiácaím mhic Iósíá, rí Iúdá, tháinig an briathar seo [go Irimia] ón Tiarna:

[2] Assim diz o SENHOR: Põe-te no átrio da Casa do SENHOR e dize a todas as cidades de Judá, que vêm adorar à Casa do SENHOR, todas as palavras que eu te mando lhes digas; não omitas nem uma palavra sequer.

[3] Bem pode ser que ouçam e se convertam, cada um do seu mau caminho; então, me arrependerei do mal que intento fazer-lhes por causa da maldade das suas ações.

[4] Dize-lhes, pois: Assim diz o SENHOR: Se não me derdes ouvidos para andardes na minha lei, que pus diante de vós,

[5] para que ouvísseis as palavras dos meus servos, os profetas, que, começando de madrugada, vos envio, posto que até aqui não me ouvistes,

[6] então, farei que esta casa seja como Siló e farei desta cidade maldição para todas as nações da terra.

[7] Os sacerdotes, os profetas e todo o povo ouviram a Jeremias, quando proferia estas palavras na Casa do SENHOR.

[8] Tendo Jeremias acabado de falar tudo quanto o SENHOR lhe havia ordenado que dissesse a todo o povo, lançaram mão dele os sacerdotes, os profetas e todo o povo, dizendo: Serás morto.

[9] Por que profetizas em nome do SENHOR, dizendo: Será como Siló esta casa, e esta cidade, desolada e sem habitantes? E ajuntou-se todo o povo contra Jeremias, na Casa do SENHOR.

[2]“Seo mar a deir an Tiarna: ‘Seas i gcúirt Theampall an Tiarna. Le muintir uile chathracha Iúdá a thagann go Teampall an Tiarna a adhradh, abair na briathra uile a d'ordaigh mise duit a labhairt leo; ná fág siolla ar lár.

[3]B'fhéidir go n-éistfidh siad agus go bhfillfidh gach aon duine óna dhrochshlí; má fhilleann, tiocfaidh aithreachas ormsa faoin olc atá ar intinn agam a dhéanamh orthu mar gheall ar a míghníomhartha.

[4]Abair leo: Seo mar a deir an Tiarna: Mura n-éisteann sibh liomsa trí mo dhlí a chuir mé romhaibh a chomhlíonadh,

[5]trí aird a thabhairt ar bhriathra mo sheirbhíseach, na fáithe, a sheolaim chugaibh gan scor agus nár éist sibh leo,

[6]déanfaidh mise an Teampall seo cosúil le Sileo, agus déanfaidh mé an chathair seo ina mallacht do chiníocha uile an domhain.’ ”

[7]Chuala na sagairt agus na fáithe agus an pobal uile Irimia ag rá na mbriathar sin i dTeampall an Tiarna.

[8]Nuair a bhí gach rud ráite ag Irimia a d'ordaigh an Tiarna dó a rá leis an bpobal uile, rug na sagairt agus na fáithe air agus dúirt siad: “Go deimhin cuirfear chun báis thú.

[9]Cad chuige ar thairngir tú in ainm an Tiarna á rá: ‘Beidh an Teampall seo cosúil le Sileo, agus beidh an chathair seo uaigneach agus gan áitreabhach’?” Agus

bhí an pobal uile ag plódú thart ar Irimia i dTeampall an Tiarna.

[10] Tendo os príncipes de Judá ouvido estas palavras, subiram da casa do rei à Casa do SENHOR e se assentaram à entrada da Porta Nova da Casa do SENHOR.

[10]Nuair a chuala feidhmeannaigh Iúdá é seo tháinig siad aníos ó phálás an rí go dtí Teampall an Tiarna agus shuigh síos i mbéal Gheata Nua Theampall an Tiarna.

[11] Então, os sacerdotes e os profetas falaram aos príncipes e a todo o povo, dizendo: Este homem é réu de morte, porque profetizou contra esta cidade, como ouvistes com os vossos próprios ouvidos.

[11]Ansin labhair na sagairt agus na fáithe leis na feidhmeannaigh agus leis an bpobal uile: “Tá breithiúnas báis tuillte ag an bhfear seo, óir thairngir sé in aghaidh na cathrach seo mar a chuala sibh le bhur gcluasa féin.”

[12] Falou Jeremias a todos os príncipes e a todo o povo, dizendo: O SENHOR me enviou a profetizar contra esta casa e contra esta cidade todas as palavras que ouvistes.

[12]Ach thug Irimia freagra ar na feidhmeannaigh agus ar an bpobal uile mar seo: “Chuir an Tiarna féin mise a fháidheoireacht na mbriathra uile a chuala sibh in aghaidh an Teampaill seo agus in aghaidh na cathrach seo.

[13] Agora, pois, emendai os vossos caminhos e as vossas ações e ouvi a voz do SENHOR, vosso Deus; então, se arrependerá o SENHOR do mal que falou contra vós outros.

[13]Mar sin leasaigí bhur n-iompar agus bhur ngníomhartha; umhlaígí do ghuth an Tiarna bhur nDia; má dhéanann sibh sin, beidh aithreachas air agus, an t-olc a d'fhógair sé in bhur n-aghaidh, ní dhéanfaidh sé é.

[14] Quanto a mim, eis que estou nas vossas mãos; fazei de mim o que for bom e reto segundo vos parecer.

[14]Maidir liomsa, féach, táim in bhur lámha. Déanaigí liom mar is maith agus is cóir libh.

[15] Sabei, porém, com certeza que, se me matardes a mim, trareis sangue inocente sobre vós, sobre esta cidade e sobre os seus moradores; porque, na verdade, o SENHOR me enviou a vós outros, para me ouvirdes dizer-vos estas palavras.

[15]Ach bíodh a fhios agaibh seo go dearfa, má chuireann sibh chun báis mé, go dtabharfaidh sibh go deimhin fuil neamhchiontach oraibh féin, ar an gcathair seo agus ar a muintir, óir go fírinneach sheol an Tiarna mise chugaibh a labhairt na mbriathra seo uile in bhur gcluasa.”

[16] Então, disseram os príncipes e todo o povo aos sacerdotes e aos profetas: Este homem não é réu de morte, porque em nome do SENHOR, nosso Deus, nos falou.
[17] Também se levantaram alguns dentre os anciãos da terra e falaram a toda a congregação do povo, dizendo:
[18] Miqueias, o morastita, profetizou nos dias de Ezequias, rei de Judá, e falou a todo o povo de Judá, dizendo: Assim disse o SENHOR dos Exércitos: Sião será lavrada como um campo, Jerusalém se tornará em montões de ruínas, e o monte do templo, numa colina coberta de mato.

[19] Mataram-no, acaso, Ezequias, rei de Judá, e todo o Judá? Antes, não temeu este ao SENHOR, não implorou o favor do SENHOR? E o SENHOR não se arrependeu do mal que falara contra eles? E traríamos nós tão grande mal sobre a nossa alma?

A execução do profeta Urias

[20] Também houve outro homem, Urias, filho de Semaías, de Quiriate-Jearim, que profetizava em nome do SENHOR e profetizou contra esta cidade e contra esta terra, segundo todas as palavras de Jeremias.
[21] Ouvindo o rei Jeoaquim, e todos os seus valentes, e todos os príncipes as suas palavras, procurou o rei matá-lo; mas, ouvindo isto Urias, temeu, fugiu e foi para o Egito.
[22] O rei Jeoaquim, porém, enviou a Elnatã, filho de Acbor, ao Egito e com ele outros homens.

[16]Ansin dúirt na feidhmeannaigh agus an pobal uile leis na sagairt agus na fáithe: “Ní cóir an fear seo a chur chun báis, óir labhair sé linn in ainm an Tiarna, ár nDia.”
[17]D'éirigh roinnt de sheanóirí na tíre ina seasamh agus labhair siad le hoireachtas uile an phobail.
[18]“Thairngir Míocá an Móirisiteach i laethanta Hiziciá rí Iúdá,” a dúirt siad, “agus ba é a dúirt sé le muintir uile Iúdá: ‘Mar seo a deir an Tiarna: Déanfar fearann treafa de Shíón, agus carnán bruscair de Iarúsailéim, beidh cnoc an Teampaill ina ardán coillteach.’
[19]“Ar chuir Hiziciá rí Iúdá agus pobal uile Iúdá chun báis é mar gheall air sin? Nár mhó, agus eagla roimh an Tiarna orthu, a d'iarr siad fabhar air go mb'aithreach leis an t-olc a bhí fógraithe aige ina n-aghaidh? An gcuirfimidne anois an choir seo mar ualach ar ár n-anamacha?”

[20]Bhí fear eile ann freisin a thairngir in ainm an Tiarna, Úiríá mac Sheamaiá, ó Chiriat Iáraím. Thairngir seisean in aghaidh na cathrach seo agus in aghaidh na tíre seo na nithe céanna díreach agus a thairngir Irimia.
[21]Nuair a chuala Iahóiácaím an rí, mar aon lena airí agus a fheidhmeannaigh uile, a bhriathra, theastaigh uaidh é a chur chun báis. Nuair a chuala Úiríá é sin tháinig eagla air agus theith sé don Éigipt.
[22]Ach chuir Iahóiácaím an rí, Ealnátán mac Acbór agus daoine eile leis don Éigipt.

[23] Eles tiraram a Urias do Egito e o trouxeram ao rei Jeoaquim; este mandou feri-lo à espada e lançar-lhe o cadáver nas sepulturas da plebe.

[24] Porém a influência de Aicão, filho de Safã, protegeu a Jeremias, para que o não entregassem nas mãos do povo, para ser morto.

Jeremias 27

Os canzis simbólicos

[1] No princípio do reinado de Zedequias, filho de Josias, rei de Judá, veio da parte do SENHOR esta palavra a Jeremias:

[2] Assim me disse o SENHOR: Faze correias e canzis e põe-nos ao pescoço.

[3] E envia outros ao rei de Edom, ao rei de Moabe, ao rei dos filhos de Amom, ao rei de Tiro e ao rei de Sidom, por intermédio dos mensageiros que vieram a Jerusalém ter com Zedequias, rei de Judá.

[4] Ordena-lhes que digam aos seus senhores: Assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Assim direis a vossos senhores:

[5] Eu fiz a terra, o homem e os animais que estão sobre a face da terra, com o meu grande poder e com o meu braço estendido, e os dou àquele a quem for justo.

[6] Agora, eu entregarei todas estas terras ao poder de Nabucodonosor, rei da Babilônia, meu servo; e também lhe dei os animais do campo para que o sirvam.

[23]Thug siad Úiríá amach as an Éigipt agus rug siad go Iahóiácaím an rí é; mharaigh seisean leis an gclaíomh é agus theilg a chorpán isteach i reilig na ndaoine coitianta.

[24]Ach sheas Irimia faoi choimirce Aichíceám mhic Sheáfán, agus níor tugadh é ar láimh don phobal le cur chun báis.

Irimia 27

An Chuing Shamhailteach

[1]I dtosach réim Zidicíá, rí Iúdá, tháinig an briathar seo go Irimia ón Tiarna.

[2]Dúirt an Tiarna é seo liomsa: "Déan duit féin rópaí agus cuing agus buail ar do mhuineál iad.

[3]Cuir scéala ansin go rí Eadóm, go rí Mhóáb, go rí na nAmónach, go rí Tuíre agus go rí na Síodóine, le béal a dteachtaí a thagann go Iarúsailéim go Zidicíá rí Iúdá.

[4]Ordaigh dóibh a rá lena máistri: 'Is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: Seo a ndéarfaidh sibh le bhur máistrí:

[5]Le mo mhórchumhacht agus le mo láimh sínte amach rinne mé an talamh, an duine agus na hainmhithe ar talamh. Agus féadaim é a thabhairt don té is maith liom.

[6]Tá na tíortha seo uile tugtha agam faoi láthair i láimh Nabúcadnazar rí na Bablóine, mo sheirbhíseach; thug mé dhó fiú na beithígh allta le fónamh dó.

[7] Todas as nações servirão a ele, a seu filho e ao filho de seu filho, até que também chegue a vez da sua própria terra, quando muitas nações e grandes reis o fizerem seu escravo.

[7]Beidh na ciníocha uile umhal dó féin, dá mhac agus do mhac a mhic, nó go dtaga am cinnte a thíre féin ar a seal agus go gcuirfidh náisiúin chumhachtacha agus ríthe móra é féin i ndaoirse.

[8] Se alguma nação e reino não servirem o mesmo Nabucodonosor, rei da Babilônia, e não puserem o pescoço debaixo do jugo do rei da Babilônia, a essa nação castigarei com espada, e com fome, e com peste, diz o SENHOR, até que eu a consuma pela sua mão.

[8]Cibé cine nó ríocht nach ngéillfidh do Nabúcadnazar rí na Bablóine, agus nach gcromfaidh a muineál faoi chuing rí na Bablóine, smachtóidh mise an cine sin leis an gclaíomh, leis an ngorta, leis an bplá - a deir an Tiarna - go dtuga mé ina láimh é.

[9] Não deis ouvidos aos vossos profetas e aos vossos adivinhos, aos vossos sonhadores, aos vossos agoureiros e aos vossos encantadores, que vos falam, dizendo: Não servireis o rei da Babilônia.

[9]Mar sin, ná héistigí le bhur bhfáithe, le bhur n-asarlaithe, le bhur bhfísithe, ná le bhur ndraoithe, ná le bhur ngreasadóiri a deir libh: Ní bheidh sibh faoi smacht rí na Bablóine.

[10] Porque eles vos profetizam mentiras para vos mandarem para longe da vossa terra, e para que eu vos expulse, e pereçais.

[10]Is fáidheoireacht bhréige a dhéanann siad daoibh, agus dá bharrsan tógfar ó bhur ndúiche sibh, díbreoidh mise sibh agus caillfear sibh.

[11] Mas a nação que meter o pescoço sob o jugo do rei da Babilônia e o servir, eu a deixarei na sua terra, diz o SENHOR, e lavrá-la-á e habitará nela.

[11]An cine, áfach, a chromann a mhuineál faoi chuing rí na Bablóine agus a dhéanann fónamh dó, fágfaidh mé faoi shíocháin iad ina dtír féin - a deir an Tiarna - saothróidh siad í agus fanfaidh siad ann.' ”

[12] Falei a Zedequias, rei de Judá, segundo todas estas palavras, dizendo: Metei o pescoço no jugo do rei da Babilônia, servi-o, a ele e ao seu povo, e vivereis.

[12]Labhair mé mar an gcéanna le Zidicíá rí Iúdá: “Tugaigí bhur muiníl,” dúirt mé leis, “faoi chuing rí na Bablóine; géilligí dó féin agus dá mhuintir agus mairfidh sibh.

[13] Por que morrerias tu e o teu povo, à espada, à fome e de peste, como o SENHOR disse com respeito à nação que não servir ao rei da Babilônia?

[13]Cad chuige a n-éagfadh sibh, tú féin agus do mhuintir, leis an gclaíomh, leis an ngorta, leis an bplá a bhagair an Tiarna ar an gcine nach ngéillfidh do rí na Bablóine?

[14] Não deis ouvidos às palavras dos profetas, que vos dizem: Não servireis ao rei da Babilônia. É mentira o que eles vos profetizam.

[15] Porque não os enviei, diz o SENHOR, e profetizam falsamente em meu nome, para que eu vos expulse e pereçais, vós e eles que vos profetizam.

[16] Também falei aos sacerdotes e a todo este povo, dizendo: Assim diz o SENHOR: Não deis ouvidos às palavras dos vossos profetas que vos profetizam, dizendo: Eis que os utensílios da Casa do SENHOR voltarão em breve da Babilônia. É mentira o que eles vos profetizam.

[17] Não lhes deis ouvidos, servi ao rei da Babilônia e vivereis; por que se tornaria esta cidade em desolação?

[18] Porém, se são profetas, e se a palavra do SENHOR está com eles, que orem ao SENHOR dos Exércitos, para que os utensílios que ficaram na Casa do SENHOR, e na casa do rei de Judá, e em Jerusalém não sejam levados para a Babilônia.

[19] Porque assim diz o SENHOR dos Exércitos acerca das colunas, do mar, dos suportes e dos restantes utensílios que ficaram na cidade,

[20] os quais Nabucodonosor, rei da Babilônia, não levou, quando deportou, de Jerusalém para a Babilônia, a Jeconias, filho de Jeoaquim, rei de Judá, assim

[14]Ná héistigí le briathra na bhfáithe a deir libh: ‘Ní bheidh sibh faoi smacht rí na Bablóine.’ Is fáidheoireacht bhréige a dhéanann siad daoibh.

[15]Óir ní mise a chuir uaim iad - a deir an Tiarna - tairngríonn siad bréaga i m'ainm. Dá bharr sin díbreoidh mise sibh, caillfear sibh féin agus mar an gcéanna na fáithe a thairngríonn daoibh.”

[16]Ansin labhair mé leis na sagairt agus leis an bpobal uile: “Is mar seo a deir an Tiarna: ‘Ná héistigí le briathra bhur bhfáithe a fháistiníonn daoibh á rá: Féach! tabharfar ar ais go luath soithí Theampall an Tiarna ón mBablóin; tairngríonn siad bréaga daoibh.

[17]Ná héistigí leo; géilligí do rí na Bablóine agus mairfidh sibh; cad chuige a bhfágfaí an chathair seo ina fásach?

[18]Dá mba fháithe iad agus dá mbeadh briathar an Tiarna leo, bheidís anois ag guí Tiarna na Slua nach dtógfaí don Bhablóin na soithí atá fágtha i dTeampall an Tiarna, i bpálás rí Iúdá agus in Iarúsailéim.

[19]Óir is mar seo a deir an Tiarna i dtaobh (na gcolún, na farraige, na seastán agus) na soithí eile atá fós sa chathair seo,

[20]na cinn nár rug Nabúcadnazar rí na Bablóine leis nuair a rug sé Iacoiniá mac Iahóiácaím, rí Iúdá, i láimh leis ó Iarúsailéim don Bhablóin mar aon le maithe uile Iúdá agus Iarúsailéim.

como a todos os nobres de Judá e de Jerusalém;

[21] sim, isto diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel, acerca dos utensílios que ficaram na Casa do SENHOR, e na casa do rei de Judá, e em Jerusalém:

[22] à Babilônia serão levados, onde ficarão até ao dia em que eu atentar para eles, diz o SENHOR; então, os farei trazer e os devolverei a este lugar.

[21]Is ea, is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael, faoi na soithí atá fágtha fós i dTeampall an Tiarna, i bpálás rí Iúdá agus in Iarúsailéim:

[22]Tabharfar don Bhablóin iad, agus beidh siad ann nó go dté mise faoina ndéin - an Tiarna a labhraíonn. Tabharfaidh mise ar ais iad ansin agus cuirfidh san áit seo iad.' "

Jeremias 28

A luta de Jeremias com o falso profeta Hananias

[1] No mesmo ano, no princípio do reinado de Zedequias, rei de Judá, isto é, no ano quarto, no quinto mês, Hananias, filho de Azur e profeta de Gibeão, me falou na Casa do SENHOR, na presença dos sacerdotes e de todo o povo, dizendo:

[2] Assim fala o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel, dizendo: Quebrei o jugo do rei da Babilônia.

[3] Dentro de dois anos, eu tornarei a trazer a este lugar todos os utensílios da Casa do SENHOR, que daqui tomou Nabucodonosor, rei da Babilônia, levando-os para a Babilônia.

[4] Também a Jeconias, filho de Jeoaquim, rei de Judá, e a todos os exilados de Judá, que entraram na Babilônia, eu tornarei a trazer a este lugar, diz o SENHOR; porque quebrei o jugo do rei da Babilônia.

[5] Então, respondeu Jeremias, o profeta, ao profeta Hananias, na presença dos

Irimia 28

An Chonspóid le Hanainiá

[1]An bhliain chéanna sin, i dtús réim Zidicíá mhic Ióisíá, rí Iúdá, an cúigiú mí den cheathrú bliain labhair Hanainiá fáidh, mac Azúr, as Gibeón, mar leanas le [Irimia] i dTeampall an Tiarna i láthair na sagart agus an phobail uile:

[2]"Seo mar a deir an Tiarna, Dia Iosrael: 'Tá cuing rí na Bablóine briste agam.

[3]Taobh istigh de dhá bhliain tabharfaidh mé liom ar ais chuig an áit seo soithí uile Theampall an Tiarna a rug Nabúcadnazar rí na Bablóine leis as an áit seo agus a d'iompair sé chuig an mBablóin.

[4]Tabharfaidh mé ar ais freisin Iacoiniá mac Iahóiácaím, rí Iúdá, agus deoraithe uile Iúdá a chuaigh chuig an mBablóin - an Tiarna a labhraíonn. Sea, brisfidh mé cuing rí na Bablóine.' "

[5]Ansin thug Irimia fáidh freagra ar an bhfáidh Hanainiá i bhfianaise na sagart

sacerdotes e perante todo o povo que estava na Casa do SENHOR.

[6] Disse, pois, Jeremias, o profeta: Amém! Assim faça o SENHOR; confirme o SENHOR as tuas palavras, com que profetizaste, e torne ele a trazer da Babilônia a este lugar os utensílios da Casa do SENHOR e todos os exilados.

[7] Mas ouve agora esta palavra, que eu falo a ti e a todo o povo para que ouçais:

[8] Os profetas que houve antes de mim e antes de ti, desde a antiguidade, profetizaram guerra, mal e peste contra muitas terras e grandes reinos.

[9] O profeta que profetizar paz, só ao cumprir-se a sua palavra, será conhecido como profeta, de fato, enviado do SENHOR.

[10] Então, o profeta Hananias tomou os canzis do pescoço de Jeremias, o profeta, e os quebrou;

[11] e falou na presença de todo o povo: Assim diz o SENHOR: Deste modo, dentro de dois anos, quebrarei o jugo de Nabucodonosor, rei da Babilônia, de sobre o pescoço de todas as nações. E Jeremias, o profeta, se foi, tomando o seu caminho.

[12] Mas depois que Hananias, o profeta, quebrou os canzis de sobre o pescoço do profeta Jeremias, veio a este a palavra do SENHOR, dizendo:

agus an phobail uile a bhí i dTeampall an Tiarna.

[6]“Bíodh sé amhlaidh,” a dúirt Irimia fáidh. “Go gcomhlíona an Tiarna an tairngreacht a rinne tú, soithí Theampall an Tiarna agus na deoraithe uile a thabhairt ar ais ón mBablóin go dtí an áit seo.

[7]Ach éist anois leis an bhfocal seo a déarfaidh mise i do chluasa agus i gcluasa an phobail uile.

[8]Na fáithe a bhí ann romhamsa agus romhatsa anallód, rinne siad tairngreacht faoi chogadh, faoi ghorta, faoi phlá, in aghaidh mórán tíortha agus in aghaidh ríochtaí móra;

[9]ach an fáidh a thairngríonn síocháin, aithneofar gurb é an Tiarna go fírinneach a chuir uaidh é nuair a thiocfaidh briathra an fháidh i gcrích.”

[10]Ansin bhain Hanainiá fáidh an chuing de mhuineál Irimia fáidh agus bhris í.

[11]Labhair Hanainiá ansin i bhfianaise an phobail uile: “Seo mar a deir an Tiarna: ‘Is mar seo a bhrisfidh mé i gcionn dhá bhliain, cuing Nabúcadnazar rí na Bablóine, agus bainfidh mé í de mhuineál na gciníocha uile.’ ” D'imigh Irimia leis ag an bpointe sin.

[12]Nuair a bhí Hanainiá fáidh tar éis an chuing, a thóg sé de mhuineál Irimia fáidh, a bhriseadh, tháinig briathar an Tiarna go Irimia:

[13] Vai e fala a Hananias, dizendo: Assim diz o SENHOR: Canzis de madeira quebraste. Mas, em vez deles, farei canzis de ferro.

[14] Porque assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Jugo de ferro pus sobre o pescoço de todas estas nações, para servirem a Nabucodonosor, rei da Babilônia; e o servirão. Também lhe dei os animais do campo.

[15] Disse Jeremias, o profeta, ao profeta Hananias: Ouve agora, Hananias: O SENHOR não te enviou, mas tu fizeste que este povo confiasse em mentiras.

[16] Pelo que assim diz o SENHOR: Eis que te lançarei de sobre a face da terra; morrerás este ano, porque pregaste rebeldia contra o SENHOR.

[17] Morreu, pois, o profeta Hananias, no mesmo ano, no sétimo mês.

Jeremias 29

A carta de Jeremias aos cativos da Babilônia

[1] São estas as palavras da carta que Jeremias, o profeta, enviou de Jerusalém ao resto dos anciãos do cativeiro, como também aos sacerdotes, aos profetas e a todo o povo que Nabucodonosor havia deportado de Jerusalém para a Babilônia, [2] depois que saíram de Jerusalém o rei Jeconias, a rainha-mãe, os oficiais, os

[13]“Imigh leat go Hanainiá agus abair seo leis: ‘Is mar seo a deir an Tiarna: Tig leat cuingeacha maide a bhriseadh? Más ea, déanfaidh mise cuingeacha iarainn dóibh ina n-áit.

[14]Óir seo mar a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: Is cuing iarainn a chuirim anois ar mhuineál na gciníocha seo uile le go mbeidh siad faoi chois ag Nabúcadnazar rí na Bablóine. Beidh siad faoina smacht; fiú na mbeithíoch allta, tá siad tugtha agam dó.’ ”

[15]Dúirt Irimia fáidh le Hanainiá fáidh: “Éist liom go haireach; a Hanainiá: níor chuir an Tiarna uaidh thú; mar gheall ortsa tá an pobal seo anois ag cur a ndóchais i mbréag.

[16]Ar an ábhar sin - seo mar a deir an Tiarna: ‘Tá fúm thusa a theilgean d'aghaidh na talún: éagfaidh tú i mbliana, [de bhrí gur sheanmóir tú easumhlaíocht in aghaidh an Tiarna].’ ”

[17]D'éag Hanainiá an bhliain chéanna sin, sa seachtú mí.

Irimia 29

Litir chuig na Deoraithe

[1]Is iad seo briathra na litre a chuir Irimia fáidh ó Iarúsailéim chun na seanóirí sin a tugadh ar deoraíocht, chun na sagart, na bhfáithe agus chun an phobail uile a rug Nabúcadnazar leis ar deoraíocht ó Iarúsailéim don Bhablóin.

[2]Ba tar éis Iacoiniá an rí, an ríonmháthair, na seomróirí, maithe Iúdá agus

príncipes de Judá e Jerusalém e os carpinteiros e ferreiros.

3 A carta foi mandada por intermédio de Elasa, filho de Safã, e de Gemarias, filho de Hilquias, os quais Zedequias, rei de Judá, tinha enviado à Babilônia, a Nabucodonosor, rei da Babilônia, e dizia:

4 Assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel, a todos os exilados que eu deportei de Jerusalém para a Babilônia:

5 Edificai casas e habitai nelas; plantai pomares e comei o seu fruto.

6 Tomai esposas e gerai filhos e filhas, tomai esposas para vossos filhos e dai vossas filhas a maridos, para que tenham filhos e filhas; multiplicai-vos aí e não vos diminuais.

7 Procurai a paz da cidade para onde vos desterrei e orai por ela ao SENHOR; porque na sua paz vós tereis paz.

8 Porque assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Não vos enganem os vossos profetas que estão no meio de vós, nem os vossos adivinhos, nem deis ouvidos aos vossos sonhadores, que sempre sonham segundo o vosso desejo;

9 porque falsamente vos profetizam eles em meu nome; eu não os enviei, diz o SENHOR.

10 Assim diz o SENHOR: Logo que se cumprirem para a Babilônia setenta anos, atentarei para vós outros e cumprirei para

Iarúsailéim, agus na gaibhne agus na ceardaithe a imeacht as Iarúsailéim é.

3Seachadadh an litir le cabhair Ealásá mac Sheáfán agus Ghamairiá mac Hilcíá a chuir Zidicíá rí Iúdá don Bhablóin go Nabúcadnazar rí na Bablóine. Mar seo a ghabh an litir:

4Is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael, leis na deoraithe uile a tugadh ar shiúl ó Iarúsailéim don Bhablóin:

5“Tógaigí tithe, déanaigí cónaí iontu; cuirigí garraithe agus ithigí a dtorthaí;

6tógaigí mná agus ginigí mic agus iníonacha; toghaigí mná do bhur mic; faighigí fir do bhur n-iníonacha le go mbeire siadsan, ar a seal, mic agus iníonacha; caithfidh sibh dul i líonmhaire ansin agus ní i laghad.

7Déanaigí leas na [tíre] inar chuir mise sibh ar deoraíocht; guígí chun an Tiarna ar a son, óir is ar a leas siúd atá seasamh bhur leasa-sa ag brath,”

8ach is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: ‘Ná mealladh bhur bhfáithe sibh ná na greasadóirí atá in bhur measc; ná héistigí leis na haislingeacha a aislingíonn siad,

9óir tairngríonn siad daoibh go bréagach i m'ainmse. Ní mise a chuir uaim iad - an Tiarna a labhraíonn.’ ”

10Óir is mar seo a deir an Tiarna: “Ní go mbeidh an seachtó bliain a deonaíodh don Bhablóin istigh, a thiocfaidh mé ar cuairt

convosco a minha boa palavra, tornando a trazer-vos para este lugar.

chugaibh agus a chomhlíonfaidh mé mo gheallúint daoibh, sibh a thabhairt ar ais don áit seo.

[11] Eu é que sei que pensamentos tenho a vosso respeito, diz o SENHOR; pensamentos de paz e não de mal, para vos dar o fim que desejais.

[11]Óir tá fios mo smaointe agam in bhur dtaobh - an Tiarna a labhraíonn - smaointe síochána agus ní oilc, a thabhairt croí agus dóchais daoibh.

[12] Então, me invocareis, passareis a orar a mim, e eu vos ouvirei.

[12]Ansin nuair a ghlaoifidh sibh ormsa, nuair a thiocfaidh sibh chun impí ormsa, éistfidh mé libh.

[13] Buscar-me-eis e me achareis quando me buscardes de todo o vosso coração.

[13]Nuair a iarrfaidh sibh mé gheobhaidh sibh mé, nuair a iarrfaidh sibh mé le bhur gcroí go hiomlán.

[14] Serei achado de vós, diz o SENHOR, e farei mudar a vossa sorte; congregar-vos-ei de todas as nações e de todos os lugares para onde vos lancei, diz o SENHOR, e tornarei a trazer-vos ao lugar donde vos mandei para o exílio.

[14]Beidh mise ar fáil agaibh - an Tiarna a labhraíonn. Tabharfaidh mé ar ais bhur gcuid daoibh, agus cruinneoidh mé sibh as na ciníocha uile agus as gach uile áit ar dhíbir mé sibh, an Tiarna a labhraíonn. Tabharfaidh mé ar ais sibh chun na háite as ar ruaig mé sibh.

[15] Vós dizeis: O SENHOR nos suscitou profetas na Babilônia.

[15]B'fhéidir go n-abróidh sibh: ‘Thóg an Tiarna fáithe suas dúinn sa Bhablóin’,

[16] Mas assim diz o SENHOR a respeito do rei que se assenta no trono de Davi e de todo o povo que habita nesta cidade, vossos irmãos, que não saíram convosco para o exílio;

[16]Óir is mar seo a deir an Tiarna faoin rí a shuíonn anois ar ríchathaoir Dháiví agus faoi na daoine eile a chónaíonn sa chathair seo, bhur ndeartháireacha nach ndeachaigh amach libh i mbraighdeanas.

[17] assim diz o SENHOR dos Exércitos: Eis que enviarei contra eles a espada, a fome e a peste e fá-los-ei como a figos ruins, que, de ruins que são, não se podem comer.

[17]Is mar seo a deir Tiarna na Slua: “Tabharfaidh mé anois an claíomh orthu, an gorta agus an phlá; déanfaidh mé cosúil le fígí lofa iad nach féidir a ithe ar a n-olcas.

[18] Persegui-los-ei com a espada, a fome e a peste; fá-los-ei um espetáculo horrendo para todos os reinos da terra; e os porei

[18]Leanfaidh mé iad leis an gclaíomh, leis an ngorta, leis an bplá, agus déanfaidh mé díol uafáis díobh do ríochtaí uile an

por objeto de espanto, e de assobio, e de opróbrio entre todas as nações para onde os tiver arrojado;

[19] porque não deram ouvidos às minhas palavras, diz o SENHOR, com as quais, começando de madrugada, lhes enviei os meus servos, os profetas; mas vós não os escutastes, diz o SENHOR.

[20] Vós, pois, ouvi a palavra do SENHOR, todos os do exílio que enviei de Jerusalém para a Babilônia.

[21] Assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel, acerca de Acabe, filho de Colaías, e de Zedequias, filho de Maaséias, que vos profetizam falsamente em meu nome: Eis que os entregarei nas mãos de Nabucodonosor, rei da Babilônia, e ele os ferirá diante dos vossos olhos.

[22] Daí surgirá nova espécie de maldição entre os exilados de Judá que estão na Babilônia: o SENHOR te faça como a Zedequias e como a Acabe, os quais o rei da Babilônia assou no fogo;

[23] porquanto fizeram loucuras em Israel, cometeram adultérios com as mulheres de seus companheiros e anunciaram falsamente em meu nome palavras que não lhes mandei dizer; eu o sei e sou testemunha disso, diz o SENHOR.

[24] A Semaías, o neelamita, falarás, dizendo:

[25] Assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Porquanto enviaste no teu nome cartas a todo o povo que está em Jerusalém, como também a Sofonias, filho

domhain, ina mallú, ina n-iontas, ina magadh, ina scige i measc na gciníocha uile inar dhíbir mé iad,

[19]de bhrí nár éist siad le mo bhriathra - an Tiarna a labhraíonn - bíodh agus gur chuir mé chucu gan scor mo sheirbhísigh, na fáithe. Níorbh áil leo ina dhiaidh sin éisteacht - an Tiarna a labhraíonn.”

[20]Ach, a dheoraithe uile a chuir mé ó Iarúsailéim don Bhablóin, éistigí briathra an Tiarna:

[21]“Is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael, i dtaobh Acháb mhic Chóláiá agus Zidicíá mhic Mhásaeiá a thairngríonn bréaga daoibh i m'ainmse: ‘Seachadfaidh mé iad i láimh Nabúcadnazar rí na Bablóine a mharóidh iad os comhair bhur súl.

[22]Uathusan an mhallacht seo a bheidh ar bhéala deoraithe uile Iúdá sa Bhablóin: Go ndéana an Tiarna thusa cosúil le Zidicíá agus Acháb a bhruith rí na Bablóine beo beathach.

[23]Sin oidhe an dreama a dhéanann míchlú in Iosrael, ag déanamh adhaltranais le mná a gcomharsana, ag labhairt briathra bréagacha i m'ainmse gan ordú uaimse. Tá a fhios agamsa ina dhiaidh sin; feicim, an Tiarna a labhraíonn.’ ”

Cuireann Deoraí in aghaidh Litir Irimia

[24]Chuir Seamaiá as Nihealám litir uaidh féin

[25]chuig an bpobal uile in Iarúsailéim, an sagart Zafainiá mac Mhásaeiá agus chuig na sagairt uile á rá:

de Maaséias, o sacerdote, e a todos os sacerdotes, dizendo:

26 O SENHOR te pôs por sacerdote em lugar do sacerdote Joiada, para que sejas encarregado da Casa do SENHOR sobre todo homem fanático que quer passar por profeta, para o lançares na prisão e no tronco.

27 Agora, pois, por que não repreendeste a Jeremias, o anatotita, que vos profetiza?

28 Pois nos enviou mensageiros à Babilônia para nos dizer: Há de durar muito o exílio; edificai casas e habitai nelas; plantai pomares e comei o seu fruto.

29 Sofonias, o sacerdote, leu esta carta aos ouvidos do profeta Jeremias.

30 Então, veio a palavra do SENHOR a Jeremias, dizendo:

31 Manda dizer a todos os exilados: Assim diz o SENHOR acerca de Semaías, o neelamita: Porquanto Semaías vos profetizou, não o havendo eu enviado, e vos fez confiar em mentiras,

32 assim diz o SENHOR: Eis que castigarei a Semaías, o neelamita, e à sua descendência; ele não terá ninguém que habite entre este povo e não verá o bem que hei de fazer ao meu povo, diz o SENHOR, porque pregou rebeldia contra o SENHOR.

26“Rinne an Tiarna sagart díotsa mar chomharba Iahoideá chun riail a choinneáil i dTeampall an Tiarna; i gcás an duine atá ar mire agus a dhéanann fáidh de féin is é do dhualgas é siúd a chur sna ceapa agus i gcoiléar iarainn.

27Ós amhlaidh atá, cad chuige nár smachtaigh tú Irimia ó Anatót a dhéanann fáidh de féin daoibhse?

28Óir faoi scáth an chur i gcéill seo sheol sé teachtaireacht chugainne sa Bhablóin á rá: ‘Is fada an daoirse seo. Tógaigí tithe, déanaigí cónaí iontu, cuirigí garraithe agus ithigí a dtorthaí.’ ”

29Léigh Zafainiá sagart an litir seo os ard do Irimia fáidh.

30Ach tháinig briathar an Tiarna go Irimia:

31“Cuir an teachtaireacht seo chun na ndeoraithe uile: ‘Is mar seo a deir an Tiarna i dtaobh Sheamaiá ó Nihealám: De bhrí gur thairngir Seamaiá daoibhse agus nach mise a chuir uaim é, agus mar gur thug sé oraibh dóchas a chur anois i mbréag,

32ar an ábhar sin - a deir an Tiarna - gearrfaidh mé pionós ar Sheamaiá ó Nihealám agus ar a shliocht ina dhiaidh; fireannach amháin dá chlann ní mhairfidh beo i measc na ndaoine seo le go bhfeicfeadh an mhaith a dhéanfaidh mé ar mo phobal - an Tiarna a labhraíonn - de bhrí gur theagaisc sé iompú ón Tiarna.’ ”

Jeremias 30

Deus promete trazer do cativeiro o seu povo

[1] Palavra que do SENHOR veio a Jeremias, dizendo:

[2] Assim fala o SENHOR, Deus de Israel: Escreve num livro todas as palavras que eu disse.

[3] Porque eis que vêm dias, diz o SENHOR, em que mudarei a sorte do meu povo de Israel e de Judá, diz o SENHOR; fá-los-ei voltar para a terra que dei a seus pais, e a possuirão.

[4] São estas as palavras que disse o SENHOR acerca de Israel e de Judá:

[5] Assim diz o SENHOR: Ouvimos uma voz de tremor e de temor e não de paz.

[6] Perguntai, pois, e vede se, acaso, um homem tem dores de parto. Por que vejo, pois, a cada homem com as mãos na cintura, como a que está dando à luz? E por que se tornaram pálidos todos os rostos?

[7] Ah! Que grande é aquele dia, e não há outro semelhante! É tempo de angústia para Jacó; ele, porém, será livre dela.

[8] Naquele dia, diz o SENHOR dos Exércitos, eu quebrarei o seu jugo de sobre o teu pescoço e quebrarei os teus canzis; e nunca mais estrangeiros farão escravo este povo,

[9] que servirá ao SENHOR, seu Deus, como também a Davi, seu rei, que lhe levantarei.

Irimia 30

Leabhar an tSóláis agus Breiseanna Geallúint do Ríocht an Tuaiscirt

[1]An briathar a tháinig go Irimia ón Tiarna.

[2]“Is mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael: ‘Na briathra uile a labhair mé leat, scríobh i leabhar iad.

[3]Óir féach tá na laethanta ag teacht - an Tiarna a labhraíonn - ina gcuirfidh mé an rath arís ar mo phobal Iosrael (agus Iúdá), a deir an Tiarna, agus tabharfaidh mé orthu filleadh ar an tír a thug mé dá sinsir, agus sealbhóidh siad í.’ ”

[4]Is iad seo na briathra a labhair an Tiarna i dtaobh Iosrael (agus Iúdá):

[5]“Is mar seo a deir an Tiarna: chuala [mé] guth criothnaithe, guth eagla, agus ní guth síochána é.

[6]Fiafraígí anois, meabhraígí: an mbíonn fir ag breith clainne? Cad chuige a bhfeicim gach fear mar sin agus a lámha ar a leasracha mar bheadh bean in íona? Cad chuige ar tháinig dath bán ar gach aghaidh?

[7]Go deimhin is mór an lá é seo, ionas nach bhfuil aon lá cosúil leis; is í uair bhuartha Iacóib í; ach sábhálfar aisti é.

[8]“Ar an lá sin - Tiarna na Slua a labhraíonn - brisfidh mise an chuing dá muiníl, agus scaoilfidh mé a gcuibhreacha. Ní dhéanfaidh siad fónamh níos mó do choimhthíocha.

[9]Ach déanfaidh don Tiarna a nDia, agus do Dháiví a rí a thógfaidh mise suas dóibh.

[10] Não temas, pois, servo meu, Jacó, diz o SENHOR, nem te espantes, ó Israel; pois eis que te livrarei das terras de longe e à tua descendência, da terra do exílio; Jacó voltará e ficará tranqüilo e em sossego; e não haverá quem o atemorize.

[10]Mar sin, ná bíodh eagla ort, a shearbhónta liom, a Iacóib, - an Tiarna a labhraíonn - Ná bíodh scanradh ort, a Iosrael: féach, sábhálfaidh mise thú as tíortha i gcéin, agus do shliocht as tír a ndaoirse. Beidh Iacób arís i suaimhneas agus mairfidh go sóúil; ní chuirfidh aon duine eagla air.

[11] Porque eu sou contigo, diz o SENHOR, para salvar-te; por isso, darei cabo de todas as nações entre as quais te espalhei; de ti, porém, não darei cabo, mas castigar-te-ei em justa medida e de todo não te inocentarei.

[11]Óir táimse in éineacht leat, do do shábháil. Cuirfidh mé deireadh leis na ciníocha uile mar ar scaip mé thú; ní chuirfidh mé críochnú ortsa, ach smachtóidh mé thú go measartha, le nach bhfágfaidh mé ar fad gan pianadh thú.

[12] Porque assim diz o SENHOR: Teu mal é incurável, a tua chaga é dolorosa.

[12]Sea, is mar seo a deir an Tiarna: Tá do chneá doleigheasta, tá do lot gan cneasú.

[13] Não há quem defenda a tua causa; para a tua ferida não tens remédios nem emplasto.

[13]Níl aon duine chun aire a thabhairt do do chréachtaí, níl luibh ná leigheas i ndán duit.

[14] Todos os teus amantes se esqueceram de ti, já não perguntam por ti; porque te feri com ferida de inimigo e com castigo de cruel, por causa da grandeza da tua maldade e da multidão de teus pecados.

[14]Rinne d'aos grá uile dearmad díot, ní iarrann siad níos mó thú. Sea, bhuail mé le buille namhad thú, buille neamhthrócaireach (mar gheall ar mhéid do chiontachta agus ar iomadúlacht do pheacaí).

[15] Por que gritas por motivo da tua ferida? Tua dor é incurável. Por causa da grandeza de tua maldade e da multidão de teus pecados é que eu fiz estas coisas.

[15]Cad chuige a n-éagaoineann tú d'ainnise? Tá do phian doleigheasta. Rinne mé na nithe sin uile leat, mar gheall ar mhéid do chiontachta, agus ar iomadúlacht do pheacaí.

[16] Por isso, todos os que te devoram serão devorados; e todos os teus adversários serão levados, cada um deles para o cativeiro; os que te despojam serão

[16]Ach gach aon a shlog thusa slogfar iad féin, rachaidh lucht d'ansmachta uile i ndaoirse, creachfar lucht do chreachta, agus gach aon dár airg thusa, tabharfaidh mise mar argain iad.

despojados, e entregarei ao saque todos os que te saqueiam.

17 Porque te restaurarei a saúde e curarei as tuas chagas, diz o SENHOR; pois te chamaram a repudiada, dizendo: É Sião, já ninguém pergunta por ela.

18 Assim diz o SENHOR: Eis que restaurarei a sorte das tendas de Jacó e me compadecerei das suas moradas; a cidade será reedificada sobre o seu montão de ruínas, e o palácio será habitado como outrora.

19 Sairão deles ações de graças e o júbilo dos que se alegram. Multiplicá-los-ei, e não serão diminuídos; glorificá-los-ei, e não serão apoucados.

20 Seus filhos serão como na antiguidade, e a sua congregação será firmada diante de mim, e castigarei todos os seus opressores.

21 O seu príncipe procederá deles, do meio deles sairá o que há de reinar; fá-lo-ei aproximar, e ele se chegará a mim; pois quem de si mesmo ousaria aproximar-se de mim? – diz o SENHOR.

22 Vós sereis o meu povo, eu serei o vosso Deus.

17Ach casfaidh mise do shláinte ar ais chugat, agus leigeasfaidh mé do chréachtaí - an Tiarna a labhraíonn. Óir ghairidís ‘An Díbeartach'díot, ‘Éadáil linn ar cuma le haon duine í! ’

18Seo mar a deir an Tiarna: Tabharfaidh mé ar ais anois both an Tiarna, agus déanfaidh mé trua dá áiteanna cónaithe; tógfar an chathair arís ar a carn féin, atógfar an daingean ar a láithreán.

19Tiocfaidh astu amach buíochas agus glórtha daoine a dhéanann lúcháir. Déanfaidh mé líonmhar iad, agus ní bheidh laghdú orthu; déanfaidh mé glórmhar iad, agus ní bheidh siad faoi dhímheas.

20Beidh a gclann mhac mar a bhí siad féin anallód, beidh a gcomhthionól go daingean i mo láthair, agus smachtóidh mé lucht leatroim orthu.

21Is duine díobh féin a bheidh ina phrionsa orthu, as a muintir féin a thiocfaidh a rialtóir. Ligfidh mise dó teacht i mo láthair agus féadfaidh sé teacht i ngar dom; go deimhin, cé eile a chuirfeadh a anam i gcontúirt agus teacht i ngar domsa? - an Tiarna a labhraíonn.

22Agus beidh sibhse in bhur bpobal agamsa, agus beidh mise i mo Dhia agaibhse.”

[23] Eis a tempestade do SENHOR! O furor saiu, e um redemoinho tempestuou sobre a cabeça dos perversos.
[24] Não voltará atrás o brasume da ira do SENHOR, até que tenha executado e cumprido os desígnios do seu coração. Nos últimos dias, entendereis isto.

[23]Anois éiríonn anfa an Tiarna, séideann an stoirm ghaoithe, briseann sí ar cheann na ndrochdhaoine;
[24]ní fhillfidh fearg an Tiarna go gcuire sé i gcrích agus go gcomhlíona comhairle a chroí. Tuigfidh sibh é seo sna laethanta atá ag teacht.

Jeremias 31

Lamento transformado em júbilo

[1] Naquele tempo, diz o SENHOR, serei o Deus de todas as tribos de Israel, e elas serão o meu povo.

[2] Assim diz o SENHOR: O povo que se livrou da espada logrou graça no deserto. Eu irei e darei descanso a Israel.

[3] De longe se me deixou ver o SENHOR, dizendo: Com amor eterno eu te amei; por isso, com benignidade te atraí.
[4] Ainda te edificarei, e serás edificada, ó virgem de Israel! Ainda serás adornada com os teus adufes e sairás com o coro dos que dançam.

[5] Ainda plantarás vinhas nos montes de Samaria; plantarão os plantadores e gozarão dos frutos.

[6] Porque haverá um dia em que gritarão os atalaias na região montanhosa de Efraim: Levantai-vos, e subamos a Sião, ao SENHOR, nosso Deus!
[7] Porque assim diz o SENHOR: Cantai com alegria a Jacó, exultai por causa da cabeça das nações; proclamai, cantai louvores e

Irimia 31

Maithiúnas do Iosrael

[1]“Nuair a thiocfaidh an t-am sin - a deir an Tiarna - beidh mise i mo Dhia ag clanna uile Iosrael: beidh siadsan ina bpobal agamsa.”
[2]“Seo mar a deir an Tiarna: Fuair siad maithiúnas san fhásach, na daoine a chuaigh slán ón gclaíomh. Tá Iosrael ag tarraingt ar a scíth.
[3]Nocht an Tiarna [dó], ó i bhfad i gcéin: ghráigh mé thú le grá síoraí, ar an ábhar sin is dochaite mo ghean ort.
[4]Tógfaidh mé thú an athuair agus atógfar thú, a mhaighdean Iosrael. Beidh tú sciamhach arís, agus déanfaidh tú meidhir sa rince le do chuid tiompán.
[5]Plandóidh tú fós fíonghoirt ar shléibhte na Samáire (tá an phlandáil déanta ag lucht plandála; cnuasfaidh siad na torthaí).

[6]Sea, tiocfaidh an lá a bhfógróidh an lucht faire ar shléibhte Eafráim: ‘Éirígí! téimis suas go Síón, chun an Tiarna, ár nDia féin.’
[7]Óir seo mar a deir an Tiarna: Scairtigí le lúcháir ar son Iacóib! Tógaigí gártha do cheann na náisiún! Fógraígí! Molaigí!

dizei: Salva, SENHOR, o teu povo, o restante de Israel.

Gáirigí: 'Shábháil an Tiarna a phobal, fuíoll Iosrael! '

[8] Eis que os trarei da terra do Norte e os congregarei das extremidades da terra; e, entre eles, também os cegos e aleijados, as mulheres grávidas e as de parto; em grande congregação, voltarão para aqui.

[8]Féach, tabharfaidh mé ar ais iad as an tír thuaidh, agus cruinneoidh mé iad ó na críocha in imigéin; iad go léir, an dall agus an bacach, an bhean torrach agus an bhean i dtinneas clainne; tiocfaidh siad ina gcuideachta mhór ag filleadh.

[9] Virão com choro, e com súplicas os levarei; guiá-los-ei aos ribeiros de águas, por caminho reto em que não tropeçarão; porque sou pai para Israel, e Efraim é o meu primogênito.

[9]Is le gol a d'imigh siad, tabharfaidh mise sólás dóibh agus mé á dtreorú ar ais; déanfaidh mé eolas an bhóthair dóibh go srutháin uisce, slí dhíreach in áit nach bhfaighidh siad tuisle. Óir táim i m'athair ag Iosrael, agus is é Eafráim mo chéadghin mic.

[10] Ouvi a palavra do SENHOR, ó nações, e anunciai nas terras longínquas do mar, e dizei: Aquele que espalhou a Israel o congregará e o guardará, como o pastor, ao seu rebanho.

[10]Éistigí briathar an Tiarna, sibhse a chiníocha! Insígí é seo do na hoileáin in imigéin: 'An té a scaip Iosrael, cruinneoidh sé é, cumhdóidh sé é mar a dhéanann aoire a thréad.'

[11] Porque o SENHOR redimiu a Jacó e o livrou da mão do que era mais forte do que ele.

[11]Óir d'fhuascail an Tiarna Iacób, thug slán é as láimh a bhí ní ba láidre ná é.

[12] Hão de vir e exultar na altura de Sião, radiantes de alegria por causa dos bens do SENHOR, do cereal, do vinho, do azeite, dos cordeiros e dos bezerros; a sua alma será como um jardim regado, e nunca mais desfalecerão.

[12]Tiocfaidh siad agus canfaidh ar mhullach Shíón; baileoidh siad in éineacht chun maitheasaí an Tiarna: cruithneacht agus ola agus fíon, caoirigh agus eallach; beidh a n-anamacha mar a bheadh garraí uiscithe; ní dhéanfaidh siad brón níos mó.

[13] Então, a virgem se alegrará na dança, e também os jovens e os velhos; tornarei o seu pranto em júbilo e os consolarei; transformarei em regozijo a sua tristeza.

[13]Is ansin a ghairdeoidh an mhaighdean sa rince, déanfaidh ógánaigh agus seanóirí [meidhir]; fillfidh mise a ndobrón i ngairdeachas; tabharfaidh mé sólás agus faoiseamh ar lorg a ndólás;

[14] Saciarei de gordura a alma dos sacerdotes, e o meu povo se fartará com a minha bondade, diz o SENHOR.

[15] Assim diz o SENHOR: Ouviu-se um clamor em Ramá, pranto e grande lamento; era Raquel chorando por seus filhos e inconsolável por causa deles, porque já não existem.

[16] Assim diz o SENHOR: Reprime a tua voz de choro e as lágrimas de teus olhos; porque há recompensa para as tuas obras, diz o SENHOR, pois os teus filhos voltarão da terra do inimigo.

[17] Há esperança para o teu futuro, diz o SENHOR, porque teus filhos voltarão para os seus territórios.

[18] Bem ouvi que Efraim se queixava, dizendo: Castigaste-me, e fui castigado como novilho ainda não domado; converte-me, e serei convertido, porque tu és o SENHOR, meu Deus.

[19] Na verdade, depois que me converti, arrependi-me; depois que fui instruído, bati no peito; fiquei envergonhado, confuso, porque levei o opróbrio da minha mocidade.

[20] Não é Efraim meu precioso filho, filho das minhas delícias? Pois tantas vezes quantas falo contra ele, tantas vezes ternamente me lembro dele; comove-se por ele o meu coração, deveras me compadecerei dele, diz o SENHOR.

[14]sásóidh mé mo shagairt le bia blasta, agus beidh mo dhaoine sách le mo mhaitheas - an Tiarna a labhraíonn.

[15]Is mar seo a deir an Tiarna: Cluineadh guth i Rámá, caoineadh agus gol géar; is í Ráchael í ag caoineadh a clainne mar nach bhfuil siad ann.

[16]Is mar seo a deir an Tiarna: Éirígí as bhur gcaoineadh, triomaígí bhur súile; déanfar bhur saothar a chúiteamh - an Tiarna a labhraíonn. Tiocfaidh siad ar ais ó thír a namhad.

[17]Tá dóchas ann do do shliocht; tiocfaidh do chlann mhac ar ais dá gcríocha féin.

[18]Go deimhin cluinim éamh Eafráim: ‘Smachtaigh tú mé, ghlac mé an smachtú mar tharbh óg gan smacht; beir ar ais mé, lig dom teacht ar ais; óir is tú an Tiarna mo Dhia.

[19]Sea, d'iompaigh mé i leataobh, ach tháinig aithrí orm ó shin; tháinig tuigsin chugam, bhuail mé m'ucht. Bhí deargnáire orm, níor thóg mé mo cheann; sea, lean dom go fóill míchlú m'óige.’

[20]An ionúin liom mo mhac Eafráim an méid sin? An bhfuil mé chomh doirte sin air mar leanbh, nach bhfuil uair dá mbagraím air nach ag cuimhneamh air a bhím, nach formhothaithe mé i gcónaí ar a shon, go ligim do mo ghrámhaireacht a bheith ag tnúthán ina dhiaidh? Is é an Tiarna a labhraíonn.

[21] Põe-te marcos, finca postes que te guiem, presta atenção na vereda, no caminho por onde passaste; regressa, ó virgem de Israel, regressa às tuas cidades.

[22] Até quando andarás errante, ó filha rebelde? Porque o SENHOR criou coisa nova na terra: a mulher infiel virá a requestar um homem.

[23] Assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Ainda dirão esta palavra na terra de Judá e nas suas cidades, quando eu lhe restaurar a sorte: O SENHOR te abençoe, ó morada de justiça, ó santo monte!

[24] Nela, habitarão Judá e todas as suas cidades juntamente, como também os lavradores e os que pastoreiam os rebanhos.

[25] Porque satisfiz à alma cansada, e saciei a toda alma desfalecida.

[26] Nisto, despertei e olhei; e o meu sono fora doce para mim.

[27] Eis que vêm dias, diz o SENHOR, em que semearei a casa de Israel e a casa de Judá com a semente de homens e de animais.

[28] Como velei sobre eles, para arrancar, para derribar, para subverter, para destruir e para afligir, assim velarei sobre eles para edificar e para plantar, diz o SENHOR.

[21]Cuir suas duit féin comharthaí bóthair, ardaigh clocha críche; tabhair suntas maith don tslí, an tslí ar imigh tú. Tar abhaile, a mhaighdean Iosrael, tar abhaile go dtí na bailte seo is leatsa.

[22]Cá fada a bheidh tú go stadach, a iníon mhídhílis? Óir tá ní nua á chruthú ag an Tiarna ar talamh: Rachaidh an Bhean arís ar lorg a Fir Chéile."

Gealltar Athbhunú do Iúdá

[23]Is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: "Bainfidh siad leas athuair as na briathra seo i dtír Iúdá agus ina bailte nuair a thabharfaidh mé ar ais iad: 'Go mbeannaí an Tiarna thusa, a choimín an chirt, a shliabh na naofachta! '

[24]"Cuirfidh fúthu sa tír seo, Iúdá agus a bhailte uile, na feirmeoirí agus an dream a dhéanann buachailleacht ar na tréada.

[25]Óir tugaimse suaimhneas don anam cortha agus sólás don anam doilíosach."

[26]Agus uaidhsean: Dhúisigh mé agus bhí [athbheocht] ionam, agus ba shámh é mo chodladh.

Iosrael agus Iúdá

[27]"Féach, tá na laethanta ag teacht - an Tiarna a labhraíonn - agus síolchuirfidh mé teach Iosrael agus teach Iúdá le síol an duine agus le síol an bheithígh.

[28]Agus faoi mar a bhí mé ag faire orthu uair amháin, a réabadh aníos agus a bhriseadh, a chaitheamh síos, a scrios agus a mhilleadh, is mar sin a bheidh mé anois, a thógáil agus a phlandú. An Tiarna a labhraíonn."

Cúiteamh Pearsanta

[29] Naqueles dias, já não dirão: Os pais comeram uvas verdes, e os dentes dos filhos é que se embotaram.

[30] Cada um, porém, será morto pela sua iniqüidade; de todo homem que comer uvas verdes os dentes se embotarão.

Firmada nova aliança com Israel

[31] Eis aí vêm dias, diz o SENHOR, em que firmarei nova aliança com a casa de Israel e com a casa de Judá.

[32] Não conforme a aliança que fiz com seus pais, no dia em que os tomei pela mão, para os tirar da terra do Egito; porquanto eles anularam a minha aliança, não obstante eu os haver desposado, diz o SENHOR.

[33] Porque esta é a aliança que firmarei com a casa de Israel, depois daqueles dias, diz o SENHOR: Na mente, lhes imprimirei as minhas leis, também no coração lhas inscreverei; eu serei o seu Deus, e eles serão o meu povo.

[34] Não ensinará jamais cada um ao seu próximo, nem cada um ao seu irmão, dizendo: Conhece ao SENHOR, porque todos me conhecerão, desde o menor até ao maior deles, diz o SENHOR. Pois perdoarei as suas iniqüidades e dos seus pecados jamais me lembrarei.

[29]“Sna laethanta sin ní abróidh daoine níos mó: ‘D'ith na haithreacha caora searbha; agus cuireadh déistin ar fhiacla na clainne.’

[30]“Ach éagfaidh gach duine ar son a pheaca féin. Gach duine a itheann caora searbha, is ar a fhiacla féin a bheidh déistin.”

An Conradh Nua

[31]“Féach, tá na laethanta ag teacht - an Tiarna a labhraíonn - a ndéanfaidh mé conradh nua le teach Iosrael (agus le teach Iúdá),

[32]ní ar nós an chonartha a rinne mé lena n-aithreacha an lá ar ghlac mé ar láimh iad á dtabhairt amach as críoch na hÉigipte. Bhriseadar an conradh sin orm, gur thaispeáin mé dóibh cérbh é an máistir - an Tiarna a labhraíonn.

[33]Ach is é seo an conradh a dhéanfaidh mé le teach Iosrael nuair a thiocfaidh na laethanta sin - an Tiarna a labhraíonn: Cuirfidh mé mo dhlí iontu istigh agus scríobhfaidh mé ina gcroí é. Beidh mé ansin i mo Dhia acu agus beidh siadsan ina bpobal agamsa.

[34]Ní bheidh call feasta le duine a bheith ag iarraidh a chomharsa a mhúineadh, ná le deartháir a rá lena dheartháir: ‘Bíodh aithne ar an Tiarna agat! ’ Ní hea, beidh aithne acu go léir orm, ón té is lú díobh go dtí an té is mó - an Tiarna a labhraíonn - óir maithfidh mé a n-éigeart dóibh agus ní chuimhneoidh mé ar a bpeacaí níos mó.”

Mairfidh Iosrael

[35] Assim diz o SENHOR, que dá o sol para a luz do dia e as leis fixas à lua e às estrelas para a luz da noite, que agita o mar e faz bramir as suas ondas; SENHOR dos Exércitos é o seu nome.

[35]An Tiarna a bheir an ghrian mar sholas sa lá, an ghealach agus na réaltaí mar sholas san oíche, a shuaitheann an fharraige agus a bheir ar a tonnta búirthíl, an té darb ainm Tiarna na Slua, deir sé é seo:

[36] Se falharem estas leis fixas diante de mim, diz o SENHOR, deixará também a descendência de Israel de ser uma nação diante de mim para sempre.

[36]"Dá n-imeodh na reachta daingne seo as mo radharc - an Tiarna a labhraíonn - ar an uair sin amháin is ea a chuirfinnse síolra Iosrael ó bheith ina chine i m'fhianaise go brách.

[37] Assim diz o SENHOR: Se puderem ser medidos os céus lá em cima e sondados os fundamentos da terra cá embaixo, também eu rejeitarei toda a descendência de Israel, por tudo quanto fizeram, diz o SENHOR.

[37]Dá mb'fhéidir choíche neamh thuas a thomhas, agus fuaimint na talún thíos a spíonadh, is ar an uair sin amháin a theilgfinn díom clann Iosrael ar son gach a ndearna siad - an Tiarna a labhraíonn."

[38] Eis que vêm dias, diz o SENHOR, em que esta cidade será reedificada para o SENHOR, desde a Torre de Hananel até à Porta da Esquina.

[39] O cordel de medir estender-se-á para diante, até ao outeiro de Garebe, e virar-se-á para Goa.

[40] Todo o vale dos cadáveres e da cinza e todos os campos até ao ribeiro Cedrom, até à esquina da Porta dos Cavalos para o oriente, serão consagrados ao SENHOR. Esta Jerusalém jamais será desarraigada ou destruída.

Atógfar Iarúsailéim

[38]"Féach, tá na laethanta ag teacht - an Tiarna a labhraíonn - a n-atógfar cathair Iarúsailéim ó Thúr Hananael go Geata an Choirnéil.

[39]Ansin sínfidh arís eile an dorú tomhais caol díreach anonn ar Chnoc Gháraeb ag déanamh ina dhiaidh sin ar Ghoá.

[40]Agus an gleann frí chéile, gona chorpáin is a luaithreach, agus na goirt uile cois sruth Chidreon soir chomh fada le coirnéal Gheata na nEach, beidh sin coisricthe don Tiarna. Ní scriosfar arís é ná ní mhillfear arís é go deo."

Jeremias 32

Jeremias compra um campo em Anatote

[1] Palavra que veio a Jeremias da parte do SENHOR, no ano décimo de Zedequias, rei

Irimia 32

Ceannaíonn Irimia Garraí

[1]An briathar a tháinig go Irimia ón Tiarna sa deichiú bliain de Zidicíá rí Iúdá, arbh í

de Judá, ou décimo oitavo de Nabucodonosor.

[2] Ora, nesse tempo o exército do rei da Babilônia cercava Jerusalém; Jeremias, o profeta, estava encarcerado no pátio da guarda que estava na casa do rei de Judá.

[3] Pois Zedequias, rei de Judá, o havia encerrado, dizendo: Por que profetizas tu que o SENHOR disse que entregaria esta cidade nas mãos do rei da Babilônia, e ele a tomaria;

[4] que Zedequias, rei de Judá, não se livraria das mãos dos caldeus, mas infalivelmente seria entregue nas mãos do rei da Babilônia, e com ele falaria boca a boca, e o veria face a face;

[5] e que ele levaria Zedequias para a Babilônia, onde estaria até que o SENHOR se lembrasse dele, como este disse; e, ainda que pelejásseis contra os caldeus, não seríeis bem sucedidos?

[6] Disse, pois, Jeremias: Veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[7] Eis que Hananel, filho de teu tio Salum, virá a ti, dizendo: Compra o meu campo que está em Anatote, pois a ti, a quem pertence o direito de resgate, compete comprá-lo.

[8] Veio, pois, a mim, segundo a palavra do SENHOR, Hananel, filho de meu tio, ao pátio da guarda e me disse: Compra agora o meu campo que está em Anatote, na terra de Benjamim; porque teu é o direito

an t-ochtú bliain déag de réimeas Nabúcadnazar í.

[2]San am sin bhí Iarúsailéim faoi léigear ag arm rí na Bablóine, agus cuireadh Irimia fáidh faoi ghlas i gCúirt an Gharda a bhí i bpálás rí Iúdá,

[3]óir is ann a chuir Zidicíá rí Iúdá i bpríosún é. “Cad chuige duit,” ar sé, “ag tairngreacht mar seo, á rá: ‘Is mar seo a deir an Tiarna: Tabharfaidh mé an chathair seo i láimh rí na Bablóine le go ngabhfaidh sé í,

[4]agus ní rachaidh Zidicíá rí Iúdá as láimh na gCaildéach, ach go deimhin tabharfar i láimh rí na Bablóine é, agus labhróidh sé leis béal ar bhéal agus feicfidh sé é gnúis le gnúis.

[5]Tógfaidh sé Zidicíá don Bhablóin agus fanfaidh sé ansin (go dtaga mise ar cuairt chuige - an Tiarna a labhraíonn. Má tá go dtroidfidh sibh leis na Caildéigh ní bhéarfaidh sibh bua!)’?”

[6]Dúirt Irimia: “Tháinig briathar an Tiarna chugamsa á rá:

[7]Féach, tiocfaidh Hanamael mac Shealúm dearthár d'athar chugat agus déarfaidh: Ceannaigh duit féin mo gharraí in Anatót, óir is leat ceart a fhuascailte ar phraghas.

[8]Agus faoi mar a bhí ráite ag an Tiarna tháinig Hanamael mo chol ceathrar chugamsa i gCúirt an Gharda. Dúirt liom: ‘Ceannaigh mo gharraí atá in Anatót, óir is leat ceart a oidhreachta agus a fhuascailte, ceannaigh duit féin é.’ Bhí a

de posse e de resgate; compra-o. Então, entendi que isto era a palavra do SENHOR.

[9] Comprei, pois, de Hananel, filho de meu tio, o campo que está em Anatote; e lhe pesei o dinheiro, dezessete siclos de prata.

[10] Assinei a escritura, fechei-a com selo, chamei testemunhas e pesei-lhe o dinheiro numa balança.

[11] Tomei a escritura da compra, tanto a selada, segundo mandam a lei e os estatutos, como a cópia aberta;

[12] dei-a a Baruque, filho de Nerias, filho de Maaséias, na presença de Hananel, filho de meu tio, e perante as testemunhas, que assinaram a escritura da compra, e na presença de todos os judeus que se assentavam no pátio da guarda.

[13] Perante eles dei ordem a Baruque, dizendo:

[14] Assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Toma esta escritura, esta escritura da compra, tanto a selada como a aberta, e mete-as num vaso de barro, para que se possam conservar por muitos dias;

[15] porque assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Ainda se comprarão casas, campos e vinhas nesta terra.

Jeremias pede esclarecimentos a Deus

[16] Depois que dei a escritura da compra a Baruque, filho de Nerias, orei ao SENHOR, dizendo:

fhios ansin agam gurbh é sin ordú an Tiarna.

[9]Mar sin cheannaigh mé an garraí ó mo chol ceathrar Hanamael as Anatót agus d'íoc leis an luach, seacht seicil déag airgid.

[10]Scríobh mé amach an cuntas agus shéalaigh é, ghlaoigh mé ar fhinnéithe agus thomhais an t-airgead sa mheá.

[11]Ansin ghlac mé scríbhinn an cheannaithe agus é séalaithe de réir an dlí mar aon lena cóip oscailte,

[12]agus thug mé scríbhinn an cheannaithe do Bharúch mac Néiria, mac Mhásaeiá, i radharc Hanamael, mo chol ceathrar, i radharc na bhfinnéithe a shínigh an scríbhinn cheannaithe agus na nGiúdach uile a tharla a bheith i gCúirt an Gharda san am.

[13]Ina láthair siúd thug mé na treoracha seo a leanas do Bharúch:

[14]'Tóg na scríbhinní seo, an scríbhinn cheannaithe atá séalaithe mar aon lena cóip oscailte, agus cuir i soitheach cré iad, ionas go maire siad seal fada."

[15]Óir is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: 'Ceannóidh daoine garraithe agus fíniúna arís sa tír seo.'

[16]"Tar éis dom an scríbhinn cheannaithe a thabhairt do Bharúch mac Néiria ghuigh mé an Tiarna mar seo:

[17] Ah! SENHOR Deus, eis que fizeste os céus e a terra com o teu grande poder e com o teu braço estendido; coisa alguma te é demasiadamente maravilhosa.

[18] Tu usas de misericórdia para com milhares e retribuis a iniqüidade dos pais nos filhos; tu és o grande, o poderoso Deus, cujo nome é o SENHOR dos Exércitos,

[19] grande em conselho e magnífico em obras; porque os teus olhos estão abertos sobre todos os caminhos dos filhos dos homens, para dar a cada um segundo o seu proceder, segundo o fruto das suas obras.

[20] Tu puseste sinais e maravilhas na terra do Egito até ao dia de hoje, tanto em Israel como entre outros homens; e te fizeste um nome, qual o que tens neste dia.

[21] Tiraste o teu povo de Israel da terra do Egito, com sinais e maravilhas, com mão poderosa e braço estendido e com grande espanto;

[22] e lhe deste esta terra, que com juramento prometeste a seus pais, terra que mana leite e mel.

[23] Entraram nela e dela tomaram posse, mas não obedeceram à tua voz, nem andaram na tua lei; de tudo o que lhes mandaste que fizessem, nada fizeram; pelo que trouxeste sobre eles todo este mal.

[24] Eis aqui as trincheiras já atingem a cidade, para ser tomada; já está a cidade entregue nas mãos dos caldeus, que

[17]'Á, a Thiarna Dia, is tú a chruthaigh neamh agus talamh le do chumhacht mhór agus le do láimh sínte amach. Níl aon rud dodhéanta duitse.

[18]Taispeánann tú cineáltas do na mílte, ach cúitíonn tú éigeart na n-aithreacha go hiomlán lena gclann ina ndiaidh. Dia mór, cumhachtach, arb é Tiarna na Slua a ainm!

[19]Mór i gcomhairle, agus cumasach i ngníomh, a bhfuil a shúile oscailte ar bhealaí uile na ndaoine, a thabhairt do gach aon duine de réir a shlite agus torthaí a ghníomhartha!

[20]Rinne tú comharthaí agus iontais i dtír na hÉigipte agus mar an gcéanna inniu in Iosrael agus i measc an chine dhaonna. Rinne tú an t-ainm duit féin atá agat inniu.

[21]Thug tú amach do phobal as crích na hÉigipte le comharthaí agus le hiontais, le láimh láidir agus le géag sínte amach agus le huafás mór.

[22]Ansin thug tú an fearann seo dóibh a mhionnaigh tú a thabharfá dá n-aithreacha, fearann le bainne agus mil ina slaoda.

[23]Agus tháinig siad ann agus shealbhaigh é. Ach níor umhlaigh siad do do ghuthsa, ní mó a shiúil siad i do dhlí: ní dhearna siad aon ní den uile ní a d'ordaigh tú dóibh a dhéanamh; ar an ábhar sin thug tú faoi deara an t-olc seo uile a theacht orthu.

[24]Féach, na mótaí ag teacht i ngar don chathair le haghaidh a gabhála! Tabharfaidh an claíomh, an gorta agus an

pelejam contra ela, pela espada, pela fome e pela peste. O que disseste aconteceu; e tu mesmo o vês.

25 Contudo, ó SENHOR Deus, tu me disseste: Compra o campo por dinheiro e chama testemunhas, embora já esteja a cidade entregue nas mãos dos caldeus.

A resposta de Deus

26 Então, veio a palavra do SENHOR a Jeremias, dizendo:

27 Eis que eu sou o SENHOR, o Deus de todos os viventes; acaso, haveria coisa demasiadamente maravilhosa para mim?

28 Portanto, assim diz o SENHOR: Eis que entrego esta cidade nas mãos dos caldeus, nas mãos de Nabucodonosor, rei da Babilônia, e ele a tomará.

29 Os caldeus, que pelejam contra esta cidade, entrarão nela, porão fogo a esta cidade e queimarão as casas sobre cujos terraços queimaram incenso a Baal e ofereceram libações a outros deuses, para me provocarem à ira.

30 Porque os filhos de Israel e os filhos de Judá não fizeram senão mal perante mim, desde a sua mocidade; porque os filhos de Israel não fizeram senão provocar-me à ira com as obras das suas mãos, diz o SENHOR.

31 Porque para minha ira e para meu furor me tem sido esta cidade, desde o dia em que a edificaram e até ao dia de hoje, para que eu a removesse da minha presença,

phlá an chathair i láimh na gCaildéach. An rud a dúirt tú tá sé tagtha i gcrích anois, feiceann tú é.

25Ach dúirt tú féin liomsa, a Thiarna Dia: Ceannaigh an garraí ar airgead i láthair finnéithe; agus anois féin tá an chathair á tabhairt i láimh na gCaildéach.'

26Ansin tháinig briathar an Tiarna [chugamsa]:

27'Féach, is mise an Tiarna, Dia an uile dhuine: an bhfuil ní ar bith dodhéanta dom? '

28"Dá bhrí sin, is mar seo a deir an Tiarna: 'Táim ag tabhairt na cathrach seo anois i láimh na gCaildéach, i láimh Nabúcadnazar rí na Bablóine, agus tógfaidh seisean í.

29Tiocfaidh na Caildéigh atá ag ionsaí na cathrach seo agus cuirfidh trí thine í; loiscfidh siad na tithe ar ofráladh ar a ndíonta túis do Bhál, mar ar doirteadh amach tabhartais dí do dhéithe eachtrannacha, do mo bhrostúsa chun feirge.

30Óir is olc amháin a rinne clann Iosrael agus clann Iúdá i m'fhianaise óna n-óige (óir bhrostaigh clann Iosrael go deimhin mé chun feirge lena ngníomhartha - is é an Tiarna a labhraíonn).

31Sea, tá an chathair seo chomh mór sin ina brostú feirge agus fraoch domsa ón lá ar tógadh í go dtí inniu, go mbainfidh mé as mo radharc í,

[32] por causa de toda a maldade que fizeram os filhos de Israel e os filhos de Judá, para me provocarem à ira, eles, os seus reis, os seus príncipes, os seus sacerdotes e os seus profetas, como também os homens de Judá e os moradores de Jerusalém.

[32]mar gheall ar na hoilc uile a rinne clann Iosrael agus clann Iúdá do mo bhrostúsa, iad féin, a ríthe, a bprionsaí, a sagairt agus a bhfáithe, fir Iúdá agus cathróirí Iarúsailéim.

[33] Viraram-me as costas e não o rosto; ainda que eu, começando de madrugada, os ensinava, eles não deram ouvidos, para receberem a advertência.

[33]D'iompaigh siad a gcúl liomsa agus ní hé a n-aighthe; agus tar éis dom iad a theagasc go moch agus go déanach ní éistfidís ná ní raibh aird acu ar a gceacht.

[34] Antes, puseram as suas abominações na casa que se chama pelo meu nome, para a profanarem.

[34]Sheas siad a n-íola sa Teampall a ghairthear i m'ainmse, á thruailliú.

[35] Edificaram os altos de Baal, que estão no vale do filho de Hinom, para queimarem a seus filhos e a suas filhas a Moloque, o que nunca lhes ordenei, nem me passou pela mente fizessem tal abominação, para fazerem pecar a Judá.

[35]Thóg siad áiteanna arda Bhál i nGleann Bhein Hionnom mar a dtugann siad ar a gclann mhac agus ar a n-iníonacha dul tríd an tine do Mhoilic - rud nár ordaigh mise riamh, ní mó a tháinig i m'intinn go ndéanfaidís coireanna gránna mar iad - a thabhairt ar Iúdá peacú.’

[36] Agora, pois, assim diz o SENHOR, o Deus de Israel, acerca desta cidade, da qual vós dizeis: Já está entregue nas mãos do rei da Babilônia, pela espada, pela fome e pela peste.

[36]“Ach anois, agus ar an ábhar céanna sin, is mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael, i dtaobh na cathrach seo faoina n-abrann tusa go dtabharfaidh an claíomh, an gorta, agus an phlá i láimh rí na Bablóine í:

[37] Eis que eu os congregarei de todas as terras, para onde os lancei na minha ira, no meu furor e na minha grande indignação; tornarei a trazê-los a este lugar e farei que nele habitem seguramente.

[37]Cruinneoidh mise iad as na tíortha uile inar dhíbir mé iad i m'fhearg, i m'fhraoch agus i mo chuthach mór. Tabharfaidh mé ar ais don áit seo iad agus tabharfaidh mé orthu cónaí go sábháilte.

[38] Eles serão o meu povo, e eu serei o seu Deus.

[38]Ansin beidh siad ina bpobal agamsa agus beidh mise i mo Dhia acusan.

[39] Dar-lhes-ei um só coração e um só caminho, para que me temam todos os dias, para seu bem e bem de seus filhos.

[40] Farei com eles aliança eterna, segundo a qual não deixarei de lhes fazer o bem; e porei o meu temor no seu coração, para que nunca se apartem de mim.

[41] Alegrar-me-ei por causa deles e lhes farei bem; plantá-los-ei firmemente nesta terra, de todo o meu coração e de toda a minha alma.

[42] Porque assim diz o SENHOR: Assim como fiz vir sobre este povo todo este grande mal, assim lhes trarei todo o bem que lhes estou prometendo.

[43] Comprar-se-ão campos nesta terra, da qual vós dizeis: Está deserta, sem homens nem animais; está entregue nas mãos dos caldeus.

[44] Comprarão campos por dinheiro, e lavrarão as escrituras, e as fecharão com selos, e chamarão testemunhas na terra de Benjamim, nos contornos de Jerusalém, nas cidades de Judá, nas cidades da região montanhosa, nas cidades das planícies e nas cidades do Sul; porque lhes restaurarei a sorte, diz o SENHOR.

Jeremias 33

Promessas de paz e prosperidade

[1] Veio a palavra do SENHOR a Jeremias, segunda vez, estando ele ainda encarcerado no pátio da guarda, dizendo:

[39]Tabharfaidh mé malairt chroí dóibh agus malairt iompair, le go mbeidh mo eaglasa orthu go brách, ar mhaithe leo féin agus lena gclann ina ndiaidh.

[40]Déanfaidh mé conradh síoraí leo; ní éireoidh mé as déanamh maitheasa dóibh, agus cuirfidh mé m'urraim ina gcroí, ionas nach ndealóidh siad arís uaim.

[41]Gairdeoidh mé mar gheall ar mhaitheas a dhéanamh dóibh, agus plandóidh mé le barr dílse iad sa dúiche seo, le mo chroí agus le m'anam go hiomlán.’

[42]Óir is mar seo a deir an Tiarna: ‘Faoi mar a thug mé an t-olc mór seo ar an bpobal seo, is mar sin a tabharfaidh mé orthu an uile mhaith dá ngeallaim dóibh.

[43]Ceannófar tailte fós sa tír seo faoina n-abrann tusa: Is talamh bánaithe í gan duine ná beithíoch; tugadh i láimh na gCaildéach í.

[44]Ceannóidh daoine garraithe ar airgead, déanfaidh siad amach cuntais, cuirfidh séala orthu agus glaofaidh ar fhinnéithe i dtír Bhiniáimin, sna ceantair timpeall Iarúsailéim, i mbailte Iúdá agus na sléibhte, sna hísleáin agus sa Neigib. Óir cuirfidh mé ar bun arís iad - is é an Tiarna a labhraíonn.’ ”

Irimia 33

Geallúint eile go nAtógfar Iarúsailéim agus Iúdá

[1]Bhí Irimia fós i bpríosún i gCúirt an Gharda nuair a tháinig briathar an Tiarna chuige an dara huair.

[2] Assim diz o SENHOR que faz estas coisas, o SENHOR que as forma para as estabelecer (SENHOR é o seu nome):

[3] Invoca-me, e te responderei; anunciar-te-ei coisas grandes e ocultas, que não sabes.

[4] Porque assim diz o SENHOR, o Deus de Israel, a respeito das casas desta cidade e das casas dos reis de Judá, que foram derribadas para a defesa contra as trincheiras e a espada:

[5] Quando se der a peleja contra os caldeus, para que eu as encha de cadáveres de homens, feridos por minha ira e meu furor, porquanto desta cidade escondi o meu rosto, por causa de toda a sua maldade,

[6] eis que lhe trarei a ela saúde e cura e os sararei; e lhes revelarei abundância de paz e segurança.

[7] Restaurarei a sorte de Judá e de Israel e os edificarei como no princípio.

[8] Purificá-los-ei de toda a sua iniqüidade com que pecaram contra mim; e perdoarei todas as suas iniqüidades com que pecaram e transgrediram contra mim.

[9] Jerusalém me servirá por nome, por louvor e glória, entre todas as nações da terra que ouvirem todo o bem que eu lhe faço; espantar-se-ão e tremerão por causa de todo o bem e por causa de toda a paz que eu lhe dou.

[2]“An Tiarna, an té a chruthaigh an talamh, a chum agus a dhaingnigh í - an Tiarna a ainm - deir sé é seo:

[3]Glaoigh ormsa agus freagróidh mé thú; inseoidh mé duit rúndiamhra móra nach feasach duit dada fúthu.

[4]Óir is mar seo a deir an Tiarna Dia Iosrael, i dtaobh tithe na cathrach seo agus i dtaobh phálás rí Iúdá atá le scriosadh. In aghaidh mótaí agus pailís

[5]rachaidh siad ag troid leis na Caildéigh, ach is ag líonadh na cathrach a bheidh siad le corpáin na ndaoine a leagfaidh mise ar lár i mo fheirg agus i m'fhraoch, [an dream] ar fholaigh mé m'aghaidh orthu mar gheall ar a n-olcas.

[6]Ach féach, brostóidh mise chucu biseach agus leigheas; leigheasfaidh mé iad agus cuirfidh mé in aithne dóibh iomláine na síochána agus na sábháilteachta.

[7]Déanfaidh mé Iúdá agus Iarúsailéim a athnuachain agus atógfaidh mé iad mar a bhí siad an chéad uair.

[8]Glanfaidh mé iad ón uile pheaca a rinne siad i mo aghaidhse; na peacaí lenar mhaslaigh siad mise agus lenar thug cúl liom, maithfidh mé iad uile dóibh.

[9]Agus beidh Iarúsailéim ina cúis athais domsa, ina cúis maíte agus onóra i láthair a bhfuil de chiníocha ar talamh; nuair a chluinfidh siadsan an uile mhaith atá á dhéanamh agam tiocfaidh eagla agus uamhan orthu mar gheall ar an uile shéan agus síocháin a sholáthraím di.’

[10] Assim diz o SENHOR: Neste lugar, que vós dizeis que está deserto, sem homens nem animais, nas cidades de Judá e nas ruas de Jerusalém, que estão assoladas, sem homens, sem moradores e sem animais, ainda se ouvirá

[11] a voz de júbilo e de alegria, e a voz de noivo, e a de noiva, e a voz dos que cantam: Rendei graças ao SENHOR dos Exércitos, porque ele é bom, porque a sua misericórdia dura para sempre; e dos que trazem ofertas de ações de graças à Casa do SENHOR; porque restaurarei a sorte da terra como no princípio, diz o SENHOR.

[12] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Ainda neste lugar, que está deserto, sem homens e sem animais, e em todas as suas cidades, haverá morada de pastores que façam repousar aos seus rebanhos.

[13] Nas cidades da região montanhosa, e nas cidades das planícies, e nas cidades do Sul, na terra de Benjamim, e nos contornos de Jerusalém, e nas cidades de Judá, ainda passarão os rebanhos pelas mãos de quem os conte, diz o SENHOR.

Repetição da promessa do Renovo de Davi

Jeremias 23.5-6

[14] Eis que vêm dias, diz o SENHOR, em que cumprirei a boa palavra que proferi à casa de Israel e à casa de Judá.

[15] Naqueles dias e naquele tempo, farei brotar a Davi um Renovo de justiça; ele executará juízo e justiça na terra.

[10]Is mar seo a deir an Tiarna: 'San áit seo, a deir tusa: Is uaigneach é gan duine ná ainmhí; i mbailte Iúdá agus i sráideanna briste Iarúsailéim mar nach bhfuil duine ná ainmhí, cluinfear arís

[11]guth na lúcháire agus an ghairdeachais, glórtha an fhir nuaphósta agus na brídeoige, agus an dream a bheir íobairtí buíochais go Teampall an Tiarna ag gabháil foinn: Molaigí Tiarna na Slua, óir is maith é an Tiarna, óir maireann a bhuanghrá go brách. “Óir atógfaidh mé an tír seo mar an gcéad uair. Fógraíonn an Tiarna é! '

[12]Is mar seo a deir Tiarna na Slua: 'San áit seo, san fhásach seo gan duine ná ainmhí agus ina bhailte uile, beidh tailte féaraigh arís, áit a gcuirfidh aoirí a dtréada ina luí.

[13]I mbailte uile na nArdán, ar an Achréidh agus sa Neigib, i ndúiche Bhiniáimin, sna ceantair timpeall Iarúsailéim agus i mbailte Iúdá, imeoidh na tréada arís faoi lámha an té a áiríonn iad. Fógraíonn an Tiarna é.

[14]Féach, tá na laethanta ag teacht - an Tiarna a labhraíonn - agus comhlíonfaidh mé an gheallúint a rinne mé do theach Iosrael agus do theach Iúdá:

[15]Sna laethanta sin agus san am sin cuirfidh mise d'fhiacha ar Bheangán fíréanta fás suas do Dháiví, agus déanfaidh sé breithiúnas agus ceart sa tír.

[16] Naqueles dias, Judá será salvo e Jerusalém habitará seguramente; ela será chamada SENHOR, Justiça Nossa.

[17] Porque assim diz o SENHOR: Nunca faltará a Davi homem que se assente no trono da casa de Israel;

[18] nem aos sacerdotes levitas faltará homem diante de mim, para que ofereça holocausto, queime oferta de manjares e faça sacrifício todos os dias.

[19] Veio a palavra do SENHOR a Jeremias, dizendo:

[20] Assim diz o SENHOR: Se puderdes invalidar a minha aliança com o dia e a minha aliança com a noite, de tal modo que não haja nem dia nem noite a seu tempo,

[21] poder-se-á também invalidar a minha aliança com Davi, meu servo, para que não tenha filho que reine no seu trono; como também com os levitas sacerdotes, meus ministros.

[22] Como não se pode contar o exército dos céus, nem medir-se a areia do mar, assim tornarei incontável a descendência de Davi, meu servo, e os levitas que ministram diante de mim.

[23] Veio ainda a palavra do SENHOR a Jeremias, dizendo:

[16]Sábháilfear Iúdá sna laethanta sin agus mairfidh Iarúsailéim i ndóchas. Agus is é seo an t-ainm a thabharfar ar an gcathair: An Tiarna Ár bhFíréantacht.'

[17]"Óir is mar seo a deir an Tiarna: 'Ní bheidh in easnamh ar Dháiví choíche sliochtach fireann a shuífidh i gcathaoir ríoga theach Iosrael.

[18]Ní bheidh in easnamh ach an oiread ar shagairt na Léivíteach sliochtach fireann a sheasfaidh i mo láthairse a ofráil íobairte loiscthe, a loscadh abhlainne agus a ofráil íobairte gach lá.' "

[19]Tháinig briathar an Tiarna go Irimia.

[20]"Is mar seo a deir an Tiarna: 'Dá bhféadfá mo chonradh lae a bhriseadh agus mo chonradh oíche ionas nach mbeadh lá ná oíche ina n-am féin,

[21]ansin d'fhéadfaí freisin mo chonradh le Dáiví mo shearbhónta a bhriseadh ionas nach mbeadh mac aige le rialú ina chathaoir ríoga, agus mar an gcéanna leis na sagairt Léivíteacha is searbhóntaí domsa.

[22]Mar nach féidir slua neimhe a áireamh ná gaineamh na farraige a thomhas, is mar sin a mhéadóidh mise sliocht Dháiví mo shearbhónta agus na Léivítigh, a dhéanann [mar aon leis na hoidhrí seo] freastal orm.' "

[23]Tháinig briathar an Tiarna go Irimia:

[24] Não atentas para o que diz este povo: As duas famílias que o SENHOR elegeu, agora as rejeitou? Assim desprezam a meu povo, que a seus olhos já não é povo.

[24]“Nár thug tusa faoi deara céard deir an pobal seo: ‘An dá mhuintir a thogh an Tiarna theilg sé uaidh anois iad’? Mar seo a tharcaisníonn siad mo mhuintir ionas nach náisiún níos mó iad ina láthair.

[25] Assim diz o SENHOR: Se a minha aliança com o dia e com a noite não permanecer, e eu não mantiver as leis fixas dos céus e da terra,

[25]Is mar seo a deir an Tiarna: ‘Murar chruthaigh mise lá agus oíche agus murar reachtaigh mé ordú neimhe agus talún,

[26] também rejeitarei a descendência de Jacó e de Davi, meu servo, de modo que não tome da sua descendência quem domine sobre a descendência de Abraão, Isaque e Jacó; porque lhes restaurarei a sorte e deles me apiedarei.

[26]más ea, teilgim uaim sliocht Iacóib agus Dháiví mo shearbhónta agus ní thoghfaidh mé aon rialtóir dá shliocht le bheith ina rí ar oidhrí Abrahám, Íosác agus Iacóib! Óir cuirfidh mé an rath arís orthu agus glacfaidh mé trua dóibh.’ ”

Jeremias 34

Prediz-se a sorte de Zedequias

[1] Palavra que do SENHOR veio a Jeremias, quando Nabucodonosor, rei da Babilônia, e todo o seu exército, e todos os reinos da terra que estavam debaixo do seu poder, e todos os povos pelejavam contra Jerusalém e contra todas as suas cidades, dizendo:

[2] Assim diz o SENHOR, Deus de Israel: Vai, fala a Zedequias, rei de Judá, e dize-lhe: Assim diz o SENHOR: Eis que eu entrego esta cidade nas mãos do rei da Babilônia, o qual a queimará.

[3] Tu não lhe escaparás das mãos; pelo contrário, serás preso e entregue nas suas mãos; tu verás o rei da Babilônia face a face, e ele te falará boca a boca, e entrarás na Babilônia.

Irimia 34

Oidhe Zidicíá

[1]An briathar a tháinig go Irimia nuair a bhí Nabúcadnazar agus a shlua uile agus ríochtaí an domhain uile faoina thiarnas agus an uile phobal ag cur cogaidh ar Iarúsailéim agus ar a bailte máguaird:

[2]“Is mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael: ‘Imigh agus labhair le Zidicíá, rí Iúdá. Inis é seo dó: Is mar seo a deir an Tiarna: Táim ag tabhairt na cathrach anois i lámha rí na Bablóine, agus dófaidh sé go talamh í.

[3]Agus ní imeoidh tusa uaidh ach tógfar thú go deimhin agus cuirfear ina láimh thú. Feicfidh tú rí na Bablóine gnúis le gnúis agus labharfaidh tú leis béal ar bhéal. Rachaidh tú don Bhablóin.

[4] Todavia, ouve a palavra do SENHOR, ó Zedequias, rei de Judá: Assim diz o SENHOR a teu respeito: Não morrerás à espada.

[4]Mar sin féin éist briathar an Tiarna, a Zidicíá, a rí Iúdá, agus ní mharófar leis an gclaíomh thú;

[5] Em paz morrerás, e te queimarão perfumes a ti, como se queimaram a teus pais, que, como reis, te precederam, e te prantearão, dizendo: Ah! SENHOR! Pois eu é que disse a palavra, diz o SENHOR.

[5]éagfaidh tú i síocháin. Agus faoi mar a loisceadh spíosraí do d'aithreacha, na ríthe a bhí romhat in anallód, is mar sin a loiscfidh siad spíosraí duitse agus a chaoinfidh siad thú: Mo léan, a mhórgacht! Dúirt mise é - is é an Tiarna a labhraíonn.' ”

[6] Falou Jeremias, o profeta, a Zedequias, rei de Judá, todas estas palavras, em Jerusalém,

[6]D'inis Irimia fáidh na briathra seo uile do Zidicíá rí Iúdá, in Iarúsailéim,

[7] quando o exército do rei da Babilônia pelejava contra Jerusalém e contra todas as cidades que restavam de Judá, contra Laquis e contra Azeca; porque só estas ficaram das cidades fortificadas de Judá.

[7]nuair a bhí slua rí na Bablóine ag ionsaí Iarúsailéim agus bailte Iúdá a sheas amach fós, mar atá Láicís agus Azaecá, a raibh fágtha de bhailte Iúdá gan géilleadh, mar bhí siad daingnithe.

As ameaças de Deus por causa da escravatura

[8] Palavra que do SENHOR veio a Jeremias, depois que o rei Zedequias fez aliança com todo o povo de Jerusalém, para lhes apregoar a liberdade:

[9] que cada um despedisse forro o seu servo e cada um, a sua serva, hebreu ou hebréia, de maneira que ninguém retivesse como escravos hebreus, seus irmãos.

[10] Todos os príncipes e todo o povo que haviam entrado na aliança obedeceram, despedindo forro cada um o seu servo e cada um a sua serva, de maneira que já não os retiveram como escravos; obedeceram e os despediram.

[11] Mas depois se arrependeram, e fizeram voltar os servos e as servas que haviam

Na Sclábhaithe Fuascailte

[8]An briathar a tháinig go Irimia ón Tiarna tar éis don rí Zidicíá conradh a dhéanamh leis an bpobal uile in Iarúsailéim maidir le saoirse a thabhairt dá sclábhaithe:

[9]go ligfeadh gach uile dhuine a sclabhaithe uaidh, idir fhir agus mhná, má ba Eabhraigh iad, ionas nach gcoinneodh Giúdach ar bith a dhearthháir i ndaoirse.

[10]Na prionsaí uile agus an pobal uile a chuaigh sa chonradh go ligfeadh gach aon duine dá sclábhaithe, idir fhir agus mhná, imeacht uaidh, agus nach gcoinneodh ina sclábhaithe iad níos mó, d'aontaigh siad agus lig saor iad.

[11]Ina dhiaidh sin, áfach, tháinig siad ar mhalairt aigne, thóg siad ar ais na

despedido forros, e os sujeitaram por servos e por servas.

sclábhaithe, idir fhir agus mhná, agus cuireadh faoi chuing arís mar sclábhaithe iad.

[12] Veio, pois, a palavra do SENHOR a Jeremias, da parte do SENHOR, dizendo:
[13] Assim diz o SENHOR, Deus de Israel: Eu fiz aliança com vossos pais, no dia em que os tirei da terra do Egito, da casa da servidão, dizendo:
[14] Ao fim de sete anos, libertareis cada um a seu irmão hebreu, que te for vendido a ti e te houver servido seis anos, e despedi-lo-ás forro; mas vossos pais não me obedeceram, nem inclinaram os seus ouvidos a mim.
[15] Não há muito, havíeis voltado a fazer o que é reto perante mim, apregoando liberdade cada um ao seu próximo; e tínheis feito perante mim aliança, na casa que se chama pelo meu nome;
[16] mudastes, porém, e profanastes o meu nome, fazendo voltar cada um o seu servo e cada um, a sua serva, os quais, deixados à vontade, já tínheis despedido forros, e os sujeitastes, para que fossem vossos servos e servas.
[17] Portanto, assim diz o SENHOR: Vós não me obedecestes, para apregoardes a liberdade, cada um a seu irmão e cada um ao seu próximo; pois eis que eu vos apregôo a liberdade, diz o SENHOR, para a espada, para a peste e para a fome; farei que sejais um espetáculo horrendo para todos os reinos da terra.

[12]Mar sin tháinig briathar an Tiarna go Irimia:
[13]“Is mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael: ‘Rinne mé conradh le bhur n-aithreacha nuair a thug mé amach as an Éigipt iad, as teach na daoirse; dúradh ann:
[14]I gceann seacht mbliana ligeadh gach aon duine agaibh dá dheartháir Eabhrach, a díoladh libh, imeacht; tar éis sé bliana dó ina sclábhaí agat ligfidh tú dó imeacht saor uait. Ach níor éist bhur n-aithreacha, ní thabharfaidís aird.
[15]Anois, bhí intinn eile agaibh inniu agus rinne sibh an ceart i mo radharc, gach aon duine a fhógairt saoirse dá chomharsa; rinne sibh conradh i mo láthair sa Teampall a ghairtear i mo ainm.
[16]Agus ansin tháinig sibh ar mhalairt aigne agus thruailligh sibh m'ainm; thóg gach aon duine agaibh a sclábhaithe ar ais, idir fhir agus mhná, a bhí ligthe saor agaibh ar a dtoil féin, á dtabhairt faoi dhaoirse agaibh arís.’
[17]“Dá bhrí sin, is mar seo a deir an Tiarna: ‘Níor umhlaigh sibh domsa, gach duine saoirse a fhógairt dá dheartháir agus dá chomharsa. Tá go maith mar sin - is é an Tiarna a labhraíonn - fógraímse daoibhse saoirse chun an chlaímh, na plá agus chun an ghorta; déanfaidh mé díol uafáis díbh don uile ríocht ar domhan.

[18] Farei aos homens que transgrediram a minha aliança e não cumpriram as palavras da aliança que fizeram perante mim como eles fizeram com o bezerro que dividiram em duas partes, passando eles pelo meio das duas porções;

[19] os príncipes de Judá, os príncipes de Jerusalém, os oficiais, os sacerdotes e todo o povo da terra, os quais passaram por meio das porções do bezerro,

porque temos depósitos de trigo, cevada, azeite e mel escondidos no campo. Por isso, ele desistiu e não os matou como aos outros.

[9] O poço em que Ismael lançou todos os cadáveres dos homens que ferira além de Gedalias é o mesmo que fez o rei Asa, na sua defesa contra Baasa, rei de Israel; foi esse mesmo que encheu de mortos Ismael, filho de Netanias.

[10] Ismael levou cativo a todo o resto do povo que estava em Mispa, isto é, as filhas do rei e todo o povo que ficara em Mispa, que Nebuzaradã, o chefe da guarda, havia confiado a Gedalias, filho de Aicão; levou-os cativos Ismael, filho de Netanias; e se foi para passar aos filhos de Amom.

Joanã livra os cativos

[11] Ouvindo, pois, Joanã, filho de Careá, e todos os príncipes dos exércitos que estavam com ele todo o mal que havia feito Ismael, filho de Netanias,

[12] tomaram consigo a todos os seus homens e foram pelejar contra Ismael, filho de Netanias; acharam-no junto às grandes águas que há em Gibeão.

[13] Ora, todo o povo que estava com Ismael se alegrou quando viu a Joanã, filho de Careá, e a todos os príncipes dos exércitos que vinham com ele.

[14] Todo o povo que Ismael levara cativo de Mispa virou as costas, voltou e foi para Joanã, filho de Careá.

dtaisce againn faoin tuaith - cruithneacht agus eorna, ola agus mil.” Rinne sé anacal orthu, mar sin, agus níor mharaigh iad i measc a ndeartháireacha.

[9]An tobar ar theilg Ísmeáéil corpáin na ndaoine uile a mharaigh sé, ba thobar mór é a thochail Ásá an rí ar eagla Bháiseá rí Iosrael. Lion Ísmeáéil mac Natainiá é leis an drong a maraíodh.

[10]Ansin rug Ísmeáéil leis an fuíoll uile den phobal a bhí i Miozpá, agus iníonacha an rí a d'fhág Nabúzaradán, ceann an gharda, faoi chúram Ghadailiá mac Aichíceám. Chuir Ísmeáéil mac Natainiá chun bóthair go moch ar a shlí anonn go dtí na hAmónaigh.

[11]Nuair a chuala Ióchánán mac Cháiréach agus ceannairí uile an airm a bhí ina fhochair faoi gach olc dá ndearna Ísmeáéil mac Natainiá,

[12]bhailigh siad a gcuid fear agus chuir chun bóthair chun Ísmeáéil mac Natainiá a ionsaí. Tháinig siad suas leis lámh leis an Linn Mhór i nGibeón.

[13]Nuair a chonaic a raibh de dhaoine i bhfochair Ísmeáéil, Ióchánán mac Cháiréach chucu agus ceannairí uile an airm in éineacht leis, bhí siad tharstu féin le teann lúcháire.

[14]An pobal uile a rug Ísmeáéil i láimh as Miozpá, d'iompaigh siad timpeall agus chuaigh anonn go Ióchánán mac Cháiréach.

[15] Mas Ismael, filho de Netanias, escapou de Joanã com oito homens e se foi para os filhos de Amom.

[16] Tomou, então, Joanã, filho de Careá, e todos os príncipes dos exércitos que estavam com ele a todo o restante do povo que Ismael, filho de Netanias, levara cativo de Mispa, depois de ter ferido a Gedalias, filho de Aicão, isto é, os homens valentes de guerra, as mulheres, os meninos e os eunucos que havia recobrado de Gibeão;

[17] partiram e pararam em Gerute-Quimã, que está perto de Belém, para dali entrarem no Egito,

[18] por causa dos caldeus; porque os temiam, por ter Ismael, filho de Netanias, ferido a Gedalias, filho de Aicão, a quem o rei da Babilônia nomeara governador da terra.

Jeremias 42

Jeremias exorta o povo a não ir ao Egito

[1] Então, chegaram todos os capitães dos exércitos, e Joanã, filho de Careá, e Jezanias, filho de Hosaías, e todo o povo, desde o menor até ao maior,

[2] e disseram a Jeremias, o profeta: Apresentamos-te a nossa humilde súplica, a fim de que rogues ao SENHOR, teu Deus, por nós e por este resto; porque, de muitos que éramos, só restamos uns poucos, como vês com os teus próprios olhos;

[3] a fim de que o SENHOR, teu Deus, nos mostre o caminho por onde havemos de andar e aquilo que havemos de fazer.

[15]D'éalaigh Ísmeáéil mac Natainiá ó Ióchánán mar aon le hochtar fear agus theith go dtí na hAmónaigh.

[16]Ansin chruinnigh Ióchánán mac Cháiréach, agus ceannairí uile an airm a bhí ina fhochair, na daoine uile a thóg Ísmeáéil mac Natainiá leis as Miozpá tar éis dó Gadailiá mac Aichíceám a mharú: fir, mná agus leanaí, agus coillteáin a thug Ióchánán ar ais ó Ghibeón.

[17]Chuir siad chun bóthair agus lig scíth ag Can Cimeam in aice le Beithil. Bhí rompu déanamh ar an Éigipt

[18]i bhfad ó na Caildéigh a raibh eagla orthu rompu anois, mar gur mharaigh Ísmeáéil mac Natainiá Gadailiá mac Aichíceám dá ndearna rí na Bablóine rialtóir sa tír.

Irimia 42

An Teitheadh don Éigipt

[1]Ansin tháinig ceannairí uile an airm, in éineacht le Ióchánán mac Cháiréach agus [Azairiá] mac Hóisiá, agus an pobal uile ó bheag go mór go dtí Irimia fáidh,

[2]agus dúirt siad leis: “Guímid thú éist lenár n-achainí! Guigh ar ár son chun an Tiarna do Dhia, ar son an fhuíll seo uile - óir níl fágtha againn ach beagán de mhórán, mar is léir do do shúile féin -

[3]go dtaispeána an Tiarna do Dhia dúinn an tslí inar cheart dúinn siúl agus an rud ba chóir dúinn a dhéanamh.”

[4] Respondeu-lhes Jeremias, o profeta: Já vos ouvi; eis que orarei ao SENHOR, vosso Deus, segundo o vosso pedido. Tudo o que o SENHOR vos responder, eu vo-lo declararei; não vos ocultarei nada.

[4]D'fhreagair an fáidh Irimia: "Cluinim sibh; guífidh mé go cinnte chun an Tiarna bhur nDia de réir bhur mbriathar; agus cibé ar bith ní a fhreagróidh an Tiarna bhur nDia foilseoidh mé daoibh é; ní choinneoidh mé aon ní ar gcúl uaibh."

[5] Então, eles disseram a Jeremias: Seja o SENHOR testemunha verdadeira e fiel contra nós, se não fizermos segundo toda a palavra com que o SENHOR, teu Deus, te enviar a nós outros.

[5]Dúirt siadsan le Irimia: "Bíodh an Tiarna Dia ina fhinné fírinneach dílis inár n-aghaidh, mura ndéanaimid de réir na n-orduithe a thugann an Tiarna do Dhia dúinn tríotsa.

[6] Seja ela boa ou seja má, obedeceremos à voz do SENHOR, nosso Deus, a quem te enviamos, para que nos suceda bem ao obedecermos à voz do SENHOR, nosso Deus.

[6]Más olc maith linn é umhlóimid do ghlór an Tiarna ár nDia chun a gcuirimid thusa, le go mbeidh an scéal go maith againn, nuair a umhlóimid do ghlór an Tiarna ár nDia."

[7] Ao fim de dez dias, veio a palavra do SENHOR a Jeremias.

[7]Tar éis deich lá tharla go dtáinig briathar an Tiarna go Irimia.

[8] Então, chamou a Joanã, filho de Careá, e a todos os capitães dos exércitos que havia com ele, e a todo o povo, desde o menor até ao maior,

[8]Chuir seisean fios ar Íóchánán mac Cháiréach agus ceannairí uile an airm a bhí in éineacht leis, agus an pobal uile ó bheag go mór.

[9] e lhes disse: Assim diz o SENHOR, Deus de Israel, a quem me enviastes para apresentar a vossa súplica diante dele:

[9]Dúirt sé leo: "Is mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael, chun ar chuir sibh mise a fhoilsiú bhur n-achainí dó:

[10] Se permanecerdes nesta terra, então, vos edificarei e não vos derribarei; plantar-vos-ei e não vos arrancarei, porque estou arrependido do mal que vos tenho feito.

[10]'Más toil libh fanacht go sítheach sa tír seo, tógfaidh mise suas sibh agus ní chaithfidh mé síos sibh; plandóidh mé sibh agus ní tharraingeoidh mé aníos sibh. Óir tá aiféala orm faoin olc a rinne mé oraibh.

[11] Não temais o rei da Babilônia, a quem vós temeis; não o temais, diz o SENHOR, porque eu sou convosco, para vos salvar e vos livrar das suas mãos.

[11]Ná bíodh eagla rí na Bablóine oraibh faoi mar atá; ná bígí i bhfaitíos roimhe - a deir an Tiarna - óir táimse libh do bhur

bhfuascailt agus do bhur sábháil as a láimh.

[12] Eu vos serei propício, para que ele tenha misericórdia de vós e vos faça morar em vossa terra.

[12]Glacfaidh mé trua daoibh, le go mbeidh trua aigesan daoibh agus go ligfidh sé daoibh cur fúibh in bhur ndúiche féin.

[13] Mas, se vós disserdes: Não ficaremos nesta terra, não obedecendo à voz do SENHOR, vosso Deus,

[13]Ach má deir sibh: Ní maith linn fanacht sa tír seo; agus gan umhlú do ghlór an Tiarna bhur nDia,

[14] dizendo: Não; antes, iremos à terra do Egito, onde não veremos guerra, nem ouviremos som de trombeta, nem teremos fome de pão, e ali ficaremos,

[14]á rá: Ní hea, ach rachaimid go tír na hÉigipte, áit nach bhfeicfimid cogadh ar bith agus nach gcluinfimid fuaim an stoic agus nach mbeidh easpa aráin orainn; is ann a dhéanfaimid cónaí.

[15] nesse caso, ouvi a palavra do SENHOR, ó resto de Judá. Assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Se tiverdes o firme propósito de entrar no Egito e fordes para morar,

[15]Más mar sin é, éistigí le briathar an Tiarna Dia, sibhse a fhuíoll Iúdá. Is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael:

[16] acontecerá, então, que a espada que vós temeis vos alcançará na terra do Egito, e a fome que receais vos seguirá de perto os passos no Egito, onde morrereis.

[16]Má chuireann sibhse bhur n-aighthe go daingean ar dhul don Éigipt, agus imeacht agus dul a chónaí ann, ansin tiocfaidh i gcríoch, an claíomh, a bhfuil bhur n-eagla roimhe, go mbéarfaidh sé oraibh i dtír na hÉigipte; agus an gorta, a bhfuil eagla oraibh roimhe, go leanfaidh sé sibh don Éigipt; agus éagfaidh sibh ansin.

[17] Assim será com todos os homens que tiverem o propósito de entrar no Egito para morar: morrerão à espada, à fome e de peste; não restará deles nem um, nem escapará do mal que farei vir sobre eles.

[17]Is mar sin a bheidh ag an uile fhear a chuirfidh a aghaidh ar dhul a chónaí don Éigipt, éagfaidh siad leis an gclaíomh, leis an ngorta agus leis an bplá; ní mhairfidh aon duine acu agus ní rachaidh caonaí slán ón olc a bhéarfaidh mise orthu.

[18] Porque assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Como se derramou a minha ira e o meu furor sobre

[18]Sea, is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: Díreach mar a doirteadh m'fhearg agus m'fhíoch amach ar áitritheoirí

os habitantes de Jerusalém, assim se derramará a minha indignação sobre vós, quando entrardes no Egito; sereis objeto de maldição, de espanto, de desprezo e opróbrio e não vereis mais este lugar.

[19] Falou-vos o SENHOR, ó resto de Judá: Não entreis no Egito; tende por certo que vos adverti hoje.

[20] Porque vós, à custa da vossa vida, a vós mesmos vos enganastes, pois me enviastes ao SENHOR, vosso Deus, dizendo: Ora por nós ao SENHOR, nosso Deus; e, segundo tudo o que disser o SENHOR, nosso Deus, declara-no-lo assim, e o faremos;

[21] mas, tendo-vos declarado isso hoje, não destes ouvidos à voz do SENHOR, vosso Deus, em coisa alguma pela qual ele me enviou a vós outros.

[22] Agora, pois, sabei por certo que morrereis à espada, à fome e de peste no mesmo lugar aonde desejastes ir para morar.

Iarúsailéim, is mar an gcéanna a dhoirtfear m'fhearg amach oraibhse, má théann sibh don Éigipt: beidh sibh mar dhíol eascaine agus mar uafás, mar mhasla agus mar cheap magaidh; agus ní fheicfidh sibh an áit seo arís go deo.' ”

[19][D'fhreagair Irimia: “A fhuíoll Iúdá, deir an Tiarna féin libh: 'Ná téigí don Éigipt.' Bíodh a fhios seo agaibh go maith: Thug mise rabhadh sollúnta daoibh inniu féin.

[20]Is ag ligean oraibh in bhur gcroí a bhí sibh nuair a chuir sibh mise chun an Tiarna bhur nDia, á rá: 'Déan idirghuí ar ár son leis an Tiarna ár nDia; inis dúinn an uile ní a déarfaidh an Tiarna ár nDia, agus déanfaimidne é.'

[21]Agus anois d'fhoilsigh mé daoibh é, agus níor umhlaigh sibh do ghuth an Tiarna bhur nDia ná d'aon ní den mhéid a d'ordaigh sé dom a rá libh.

[22]Anois, ar an ábhar sin, bíodh a fhios agaibh go cinnte go n-éagfaidh sibh leis an gclaíomh, leis an ngorta agus leis an bplá san áit ar mian libh dul agus cónaí a dhéanamh ann.”]

Jeremias 43

Jeremias é levado ao Egito pelo povo

[1] Tendo Jeremias acabado de falar a todo o povo todas as palavras do SENHOR, seu Deus, palavras todas com as quais o SENHOR, seu Deus, o enviara,

[2] então, falou Azarias, filho de Hosaías, e Joanã, filho de Careá, e todos os homens soberbos, dizendo a Jeremias: É mentira isso que dizes; o SENHOR, nosso Deus, não

Irimia 43

[1]Ach nuair a bhí briathra uile an Tiarna a nDia, ráite ag Irimia leis an bpobal uile, ar chuir an Tiarna chucu é, is é sin na briathra seo thuas,

[2]labhair Azairiá mac Hóisiá, agus Íochánán mac Cháiréach agus na fir uaibhreacha shéantacha sin uile le hIrimia agus dúirt: “Thug tú d'éitheach! Ní hé an

te enviou a dizer: Não entreis no Egito, para morar.

3 Baruque, filho de Nerias, é que te incita contra nós, para nos entregar nas mãos dos caldeus, a fim de nos matarem ou nos exilarem na Babilônia.

4 Não obedeceu, pois, Joanã, filho de Careá, e nenhum de todos os capitães dos exércitos, nem o povo todo à voz do SENHOR, para ficarem na terra de Judá.

5 Antes, tomaram Joanã, filho de Careá, e todos os capitães dos exércitos a todo o resto de Judá que havia voltado dentre todas as nações para as quais haviam sido lançados, para morar na terra de Judá;

6 tomaram aos homens, às mulheres e aos meninos, às filhas do rei e a todos que Nebuzaradã, o chefe da guarda, deixara com Gedalias, filho de Aicão, filho de Safã; como também a Jeremias, o profeta, e a Baruque, filho de Nerias;

7 e entraram na terra do Egito, porque não obedeceram à voz do SENHOR, e vieram até Tafnes.

Jeremias profetiza a conquista do Egito por Nabucodonosor

8 Então, veio a palavra do SENHOR a Jeremias, em Tafnes, dizendo:

9 Toma contigo pedras grandes, encaixa-as na argamassa do pavimento que está à entrada da casa de Faraó, em Tafnes, à vista de homens judeus,

10 e dize-lhes: Assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Eis que eu mandarei vir a Nabucodonosor, rei da

Tiarna ár nDia a chuir thú á rá: 'Ná téigí don Éigipt a chónaí ann.'

3Ach is é Barúch mac Néiria a bhrostaíonn thú in ár n-aghaidhne i gcónaí, dár dtabhairt i láimh na gCaildéach, le go gcuirfidís chun báis sinn, nó go mbéarfaidís ina láimh don Bhablóin sinn!"

4Ainneoin sin, níor umhlaigh Ióchánán mac Cháiréach agus ceannairí uile an airm agus an pobal uile do ghlór an Tiarna fanacht i dtír Iúdá.

5Ach rug Ióchánán mac Cháiréach agus ceannairí uile an airm leo fuíoll uile Iúdá, a d'fhill ó gach uile chríoch inar díbríodh iad, a chónaí i dtír Iúdá,

6idir fhir agus mhná agus leanaí agus iníonacha an rí freisin, agus gach duine a d'fhág Nabúzaradán, ceann an gharda, faoi chúram ag Aichíceám mac Sheáfán; thug siad leo freisin Irimia fáidh agus Barúch mac Néiria.

7Mar sin, ar neamhchead do ghlór an Tiarna bhain siad críoch na hÉigipte amach agus tháinig go Tachpanaes.

8Tháinig briathar an Tiarna go Irimia i dTachpanaes.

9"Tóg clocha móra i do lámha, agus i radharc mhuintir Iúdá folaigh iad i gcré [na faiche] atá ag dul isteach pálás Fhorainn i dTachpanaes.

10Ansin abair leo: 'Mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael: Tá mé ag cur fios ar Nabúcadnazar, rí na Bablóine, mo

Babilônia, meu servo, e porei o seu trono sobre estas pedras que encaixei; ele estenderá o seu baldaquino real sobre elas.

sheirbhíseach; cuirfidh sé a ríchathaoir ar na clocha seo a d'fholaigh mé, agus leathnóidh sé a phailliún ríoga os a gcionn.

[11] Virá e ferirá a terra do Egito; quem é para a morte, para a morte; quem é para o cativeiro, para o cativeiro; e quem é para a espada, para a espada.

[11]Tá sé ag teacht chun tír na hÉigipte a bhualadh: An mhéid faoi choinne na plá, chun na plá; an mhéid faoi choinne an bhraighdeanais, chun an bhraighdeanais; an mhéid faoi choinne an chlaímh, chun an chlaímh!

[12] Lançará fogo às casas dos deuses do Egito e as queimará; levará cativos os ídolos e despiolhará a terra do Egito, como o pastor despiolha a sua própria veste; e sairá dali em paz.

[12]“ ‘Cuirfidh sé tine le teampaill dhéithe na hÉigipte: dófaidh sé na déithe seo nó tógfaidh leis iad; faoi mar a ghlanann tréadaí na gcaorach míolra dá bhrat, is mar sin a bhánóidh sé dúiche na hÉigipte, agus imeoidh leis gan cur ina choinne.

[13] Quebrará as colunas de Bete-Semes na terra do Egito e queimará as casas dos deuses do Egito.

[13]Brisfidh sé oibilisc Theampall na Gréine ag On agus dófaidh go talamh teampaill dhéithe na hÉigipte.’ ”

Jeremias 44

Repreendida a infidelidade dos judeus no Egito

[1] Palavra que veio a Jeremias, acerca de todos os judeus moradores da terra do Egito, em Migdol, em Tafnes, em Mênfis e na terra de Patros, dizendo:

[2] Assim diz o SENHOR dos Exércitos, Deus de Israel: Vistes todo o mal que fiz cair sobre Jerusalém e sobre todas as cidades de Judá; e eis que hoje são elas uma desolação, e ninguém habita nelas,

[3] por causa da maldade que fizeram, para me irarem, indo queimar incenso e servir a outros deuses que eles nunca conheceram, eles, vós e vossos pais.

Irimia 44

Ceanndáine agus Díchreideamh

[1]“An briathar a tháinig go Irimia le haghaidh na nGiúdach uile a chónaíonn i gcríoch na hÉigipte atá ag cur fúthu ag Migdeol, Tachpanaes, Nof agus tír Phatros.

[2]“Is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: ‘Chonaic sibh an t-anró uile a thug mise ar Iarúsailéim agus ar bhailte Iúdá; inniu tá siad ina bhfothracha gan cónaí iontu.

[3]Tá sin amhlaidh mar gheall ar an uile olc a rinne siad, do mo bhrostú chun feirge, mar go ndeachaigh siad a loscadh túise agus a fhónamh do dhéithe eachtrannacha

nárbh aithne dóibh féin ná daoibhse, ná do bhur sinsir.

[4] Todavia, começando eu de madrugada, lhes enviei os meus servos, os profetas, para lhes dizer: Não façais esta coisa abominável que aborreço.

[4]Chuir mise chugaibh mo sheirbhísigh na fáithe gan scor; chuir mise iad lena rá: Ná déanaigí an ní gráiniúil seo is fuath liomsa.

[5] Mas eles não obedeceram, nem inclinaram os ouvidos para se converterem da sua maldade, para não queimarem incenso a outros deuses.

[5]Ach ní éisteoidís, ní mó a thabharfaidís aire, agus ligean dá n-oilc agus gan túis a loscadh a thuilleadh do dhéithe éachtrannacha.

[6] Derramou-se, pois, a minha indignação e a minha ira, acenderam-se nas cidades de Judá e nas ruas de Jerusalém, que se tornaram em deserto e em assolação, como hoje se vê.

[6]Mar sin, doirteadh amach mo bhruth agus m'fhearg, agus lasadh í i mbailte Iúdá agus i sráideanna Iarúsailéim, ionas go bhfuil siad ina bhfásach bánaithe go dtí an lá inniu féin.'

[7] Agora, pois, assim diz o SENHOR, Deus dos Exércitos, o Deus de Israel: Por que fazeis vós tão grande mal contra vós mesmos, eliminando homens e mulheres, crianças e aqueles que mamam do meio de Judá, a fim de que não vos fique resto algum?

[7]Agus anois, is mar seo a labhraíonn an Tiarna, Dia na Slua, Dia Iosrael: 'Cad chuige a dtabharfadh sibh an t-anró céanna oraibh féin? An mian libh an uile dhuine idir fhir agus mhná, leanaí agus naíonáin a ghearradh amach as lár Iúdá, ionas nach bhfágfar fuíoll beo agaibh,

[8] Por que me irritais com as obras de vossas mãos, queimando incenso a outros deuses na terra do Egito, aonde viestes para morar, para que a vós mesmos vos elimineis e para que vos torneis objeto de desprezo e de opróbrio entre todas as nações da terra?

[8]trí mise a bhrostú chun feirge le hoibreacha bhur lámha féin, ag loscadh túise do dhéithe eachtrannacha i dtír na hÉigipte, áit ar tháinig sibh a chónaí, do bhur mbascadh féin, le go mbeadh sibh mar mhallú agus mar cheap magaidh i measc ciníocha an domhain?

[9] Esquecestes já as maldades de vossos pais, as maldades dos reis de Judá, as maldades das suas mulheres, as vossas maldades e as maldades das vossas mulheres, maldades cometidas na terra de Judá e nas ruas de Jerusalém?

[9]Ar lig sibh i ndearmad cionta bhur sinsear, cionta ríthe Iosrael agus cionta a bhflatha, bhur gcionta féin agus cionta bhur mban céile a rinneadh i dtír Iúdá agus i sráideanna Iarúsailéim?

[10] Não se humilharam até ao dia de hoje, não temeram, não andaram na minha lei nem nos meus estatutos, que pus diante de vós e diante de vossos pais.

[11] Portanto, assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Eis que voltarei o rosto contra vós outros para mal e para eliminar a todo o Judá.

[12] Tomarei o resto de Judá que se obstinou em entrar na terra do Egito para morar, onde será ele de todo consumido; cairá à espada e à fome; desde o menor até ao maior perecerão; morrerão à espada e à fome; e serão objeto de maldição, espanto, desprezo e opróbrio.

[13] Porque castigarei os que habitam na terra do Egito, como o fiz a Jerusalém, com a espada, a fome e a peste,

[14] de maneira que, dos restantes de Judá que vieram à terra do Egito para morar, não haverá quem escape e sobreviva para tornar à terra de Judá, à qual desejam voltar para morar; mas não tornarão senão alguns fugitivos.

Jeremias é contraditado

[15] Então, responderam a Jeremias todos os homens que sabiam que suas mulheres queimavam incenso a outros deuses e todas as mulheres que se achavam ali em pé, grande multidão, como também todo o povo que habitava na terra do Egito, em Patros, dizendo:

[10]Go dtí inniu féin níl uamhan ná aiféala orthu; níor shiúil siad i mo dhlíse ná sna reachta a chuir mé romhaibh, mar a chuir mé roimh bhur sinsir.'

[11]"Dá bhri sin, is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: 'Anois cuirfidh mise m'aghaidh in bhur n-aghaidhse chun oilc, agus do dhíothú Iúdá uile.

[12]Scriosfaidh mé fuíoll Iúdá a thug a n-aighthe a dhul go tír na hÉigipte chun cónaí ansin; éagfaidh siad uile i dtír na hÉigipte; titfidh siad leis an gclaíomh nó díothófar iad leis an ngorta, ó bheag go mór éagfaidh siad leis an gclaíomh agus leis an ngorta; beidh siad ina mallú agus ina n-uafás, ina mallacht agus ina gceap magaidh.

[13]Smachtóidh mise an dream a chónaíonn i dtír na hÉigipte chomh dian céanna agus a smachtaigh mé Iarúsailéim, leis an gclaíomh, leis an ngorta agus leis an bplá.

[14]De fhuíoll Iúdá a chuaigh go dtí an Éigipt chun cónaí ann, ní rachaidh as agus ní mhairfidh beo aon duine chun filleadh go tír Iúdá mar a bhfuil fonn orthu cónaí aris. Ní fhillfidh aon duine díobh, ach dornán beag dídeanach.' "

[15]Ansin gach uile fhear dá raibh a fhios aige gur loisc a bhean chéile túis do dhéithe eachtrannacha, agus an uile bhean dár sheas ina bhfochair, comhthionól mór (mar aon leis na daoine uile a chónaíonn i bPatros, i dtír na hÉigipte), d'fhreagair siad Irimia, á rá:

[16] Quanto à palavra que nos anunciaste em nome do SENHOR, não te obedeceremos a ti;

[17] antes, certamente, toda a palavra que saiu da nossa boca, isto é, queimaremos incenso à Rainha dos Céus e lhe ofereceremos libações, como nós, nossos pais, nossos reis e nossos príncipes temos feito, nas cidades de Judá e nas ruas de Jerusalém; tínhamos fartura de pão, prosperávamos e não víamos mal algum.

[18] Mas, desde que cessamos de queimar incenso à Rainha dos Céus e de lhe oferecer libações, tivemos falta de tudo e fomos consumidos pela espada e pela fome.

[19] Quando queimávamos incenso à Rainha dos Céus e lhe oferecíamos libações, acaso, lhe fizemos bolos que a retratavam e lhe oferecemos libações, sem nossos maridos?

Jeremias prediz castigo

[20] Então, disse Jeremias a todo o povo, aos homens e às mulheres, a todo o povo que lhe tinha dado esta resposta, dizendo:

[21] Quanto ao incenso que queimastes nas cidades de Judá e nas ruas de Jerusalém, vós e vossos pais, os vossos reis e os vossos príncipes e o povo da terra, acaso, não se lembrou disso o SENHOR, nem lhe andou isso pela mente?

[22] O SENHOR já não podia por mais tempo sofrer a maldade das vossas obras, as abominações que cometestes; pelo que a

[16]“Níl aon rún againn éisteacht leis an bhfocal seo a labhair tú linne in ainm an Tiarna,

[17]ach leanúint orainn ag déanamh gach ar gheallamar: ag loscadh túise do Bhanríon Neimhe agus ag doirteadh íobairtí dí di, faoi mar a dhéanaimis, sinn féin agus ár n-aithreacha, ár ríthe agus ár dtaoisigh, i mbailte Iúdá agus i sráideanna Iarúsailéim: bhí fairsinge bia againn san am sin, bhíomar go maith as, ní fhacamar aon olc.

[18]Ach ón uair ar éiríomar as túis a loscadh do Bhanríon Neimhe agus íobairtí dí a dhoirteadh amach di, tá easpa gach ní orainn, agus maraíodh sinn leis an gclaíomh nó leis an ngorta.”

[19][Agus dúirt na mná] “Nuair a loscaimid túis do Bhanríon Neimhe agus nuair a dhoirtimid amach a híobairtí dí, an dóigh leat gur ag déanamh bairíní lena híomhá orthu agus ag doirteadh a híobairtí dí atáimid gan fhios dár bhfir chéile?”

[20]Ansin dúirt Irimia leis an bpobal uile, idir fhir agus mhná, iad siúd a thug an freagra sin air:

[21]“An túis a loisc sibh i mbailte Iúdá agus i sráideanna Iarúsailéim, sibh féin, bhur n-aithreacha, bhur ríthe, bhur dtaoisigh, agus muintir na tíre - nár chuimhnigh an Tiarna air sin, nach é a tháinig ina intinn?

[22]Ionas nár fhéad an Tiarna bhur míghníomhartha agus bhur ngráiniúlachtaí a iompar nib fhaide; sin é

vossa terra se tornou deserta, um objeto de espanto e de desprezo e desabitada, como hoje se vê.

[23] Pois queimastes incenso e pecastes contra o SENHOR, não obedecestes à voz do SENHOR e na sua lei e nos seus testemunhos não andastes; por isso, vos sobreveio este mal, como hoje se vê.

[24] Disse mais Jeremias a todo o povo e a todas as mulheres: Ouvi a palavra do SENHOR, vós, todo o Judá, que estais na terra do Egito:

[25] Assim fala o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel, dizendo: Vós e vossas mulheres não somente fizestes por vossa boca, senão também que cumpristes por vossas mãos os vossos votos, a saber: Certamente cumpriremos os nossos votos, que fizemos, de queimar incenso à Rainha dos Céus e de lhe oferecer libações. Confirmai, pois, perfeitamente, os vossos votos, sim, cumpri-os.

[26] Portanto, ouvi a palavra do SENHOR, vós, todo o Judá, que habitais na terra do Egito: Eis que eu juro pelo meu grande nome, diz o SENHOR, que nunca mais será pronunciado o meu nome por boca de qualquer homem de Judá em toda a terra do Egito, dizendo: Tão certo como vive o SENHOR Deus.

[27] Eis que velarei sobre eles para mal e não para bem; todos os homens de Judá que estão na terra do Egito serão consumidos à espada e à fome, até que se acabem de todo.

an fáth a bhfuil bhur dtír inniu ina fásach, ina huafás agus ina mallacht, gan áitritheoir.

[23]Mar gur loisc sibh tús, mar gur pheacaigh sibh in aghaidh an Tiarna, agus nár umhlaigh sibh do ghuth an Tiarna, nár shiúil ina dhlí, ina reachta ná ina fhianaise - sin é is cúis leis an anró atá oraibh inniu."

[24]Dúirt Irimia ansin leis an bpobal uile, agus go háirithe leis na mná: "Éistigí le briathar an Tiarna (a Ghiúdacha uile i dtír na hÉigipte).

[25]Mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: 'Sibhse, a mhná an rud a gheall bhur mbéal, is ceart go gcriochnóidh bhur lámha go cinnte! Dúirt sibh: Comhlíonfaimid go deimhin na móideanna a thugamar chun túis a loscadh do Bhanríon Neimhe agus chun íobairtí dí a dhoirteadh di. Tá go maith, comhlíonaigí bhur móideanna, doirtigí bhur n-íobairtí!

[26]Ach éistigí le briathar an Tiarna, sibhse a Ghiúdacha uile, a chónaíonn i dtír na hÉigipte: Tugaimse mionna faoi m'ainm mór a deir an Tiarna, nach n-ainmneofar m'ainm níos mó i mbéal aon duine ar bith de Iúdá i gcríocha uile na hÉigipte; ní déarfaidh duine: Go maire an Tiarna Dia.

[27]Féach, beidh mise ag faire os a gcionn, ní ar mhaithe leo, ach chun a n-aimhleasa; marófar an uile fhear de Iúdá atá san Éigipt, leis an gclaíomh nó leis an ngorta, go mbeidh deireadh leo.

[28] Os que escaparem da espada tornarão da terra do Egito à terra de Judá, poucos em número; e todos os restantes de Judá que vieram à terra do Egito para morar saberão se subsistirá a minha palavra ou a sua.

[29] Isto vos será sinal de que eu vos castigarei neste lugar, diz o SENHOR, para que saibais que certamente subsistirão as minhas palavras contra vós outros para mal.

[30] Eis o sinal, diz o SENHOR: Eu entregarei o Faraó-Hofra, rei do Egito, nas mãos de seus inimigos, nas mãos dos que procuram a sua morte, como entreguei Zedequias, rei de Judá, nas mãos de Nabucodonosor, rei da Babilônia, que era seu inimigo e procurava tirar-lhe a vida.

[28]Mar sin féin, an uimhir bheag a rachaidh as an gclaíomh fillfidh siad ó chríocha na hÉigipte go tír Iúdá. Agus fuíoll Iúdá uile a chuaigh go tír na hÉigipte chun cónaí ann, aithneoidh siad ansin cé leis na focail a fhíorfar, liomsa nó leosan.

[29]Agus seo daoibh an comhartha - is é an Tiarna a labhraíonn - go bhfuil ar intinn agam sibh a smachtú san áit seo, le go n-aithneodh sibh go bhfuil mo fhocail bhagartha ag seasamh go deimhin in bhur n-aghaidh.

[30]Is mar seo a deir an Tiarna: Féach, tabharfaidh mé Forann Hofra rí na hÉigipte i láimh a namhad agus i láimh na droinge a iarrann a bhás, díreach mar a thug mé Zidicíá rí Iúdá i láimh Nabúcadnazar rí na Bablóine, a namhaid a d'iarr a bhás.' ”

Jeremias 45

A mensagem de Jeremias a Baruque

[1] Palavra que falou Jeremias, o profeta, a Baruque, filho de Nerias, escrevendo ele aquelas palavras num livro, ditadas por Jeremias, no ano quarto de Jeoaquim, filho de Josias, rei de Judá, dizendo:

[2] Assim diz o SENHOR, Deus de Israel, acerca de ti, ó Baruque:

[3] Disseste: Ai de mim agora! Porque me acrescentou o SENHOR tristeza ao meu sofrimento; estou cansado do meu gemer e não acho descanso.

[4] Assim lhe dirás: Isto diz o SENHOR: Eis que estou demolindo o que edifiquei e

Irimia 45

Sólás do Bharúch

[1]An focal a labhair Irimia fáidh le Barúch mac Néiria nuair a scríobh seisean na briathra seo i leabhar ó bhéal Irimia sa cheathrú bliain de réimeas Iahóiácaím mac Ióisíá, rí Iúdá.

[2]“Is mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael fútsa a Bharúch:

[3]Ó dúirt tú: ‘Is mairg domsa, óir chuir an Tiarna doilíos i gceann mo dhobróin! táim spíonta ó m'osnaíl, agus ní fhaighim faoiseamh ar bith! ’

[4]Deir an Tiarna é seo: ‘Anois, brisim síos an rud a thóg mé; an rud a phlandaigh mé,

arrancando o que plantei, e isto em toda a terra.

[5] E procuras tu grandezas? Não as procures; porque eis que trarei mal sobre toda carne, diz o SENHOR; a ti, porém, eu te darei a tua vida como despojo, em todo lugar para onde fores.

tá mé á tharraingt aníos; [buailfidh mé an domhan] go hiomlán.

[5]Agus an n-iarrann tusa nithe móra duit féin? Ná hiarr, óir tabharfaidh mé anró anois ar an uile fheoil - is é an Tiarna a labhraíonn. Ach tabharfaidh mé d'anam duitse, cibé áit a rachaidh tú.' ”

Jeremias 46

Profecia a respeito do Egito

[1] Palavra do SENHOR que veio a Jeremias, o profeta, contra as nações.

[2] A respeito do Egito. Contra o exército de Faraó-Neco, rei do Egito, exército que estava junto ao rio Eufrates em Carquemis; ao qual feriu Nabucodonosor, rei da Babilônia, no ano quarto de Jeoaquim, filho de Josias, rei de Judá:

[3] Preparai o escudo e o pavês e chegai-vos para a peleja.

[4] Selai os cavalos, montai, cavaleiros, e apresentai-vos com elmos; poli as lanças, vesti-vos de couraças.

[5] Por que razão vejo os medrosos voltando as costas? Estão derrotados os seus valentes e vão fugindo, sem olhar para trás; há terror ao redor, diz o SENHOR.

[6] Não fuja o ligeiro, nem escape o valente; para o lado do Norte, junto à borda do rio Eufrates, tropeçaram e caíram.

[7] Quem é este que vem subindo como o Nilo, como rios cujas águas se agitam?

Irimia 46

Oracail in Aghaidh na Náisiún (cf. 25:14)

[1]Briathra an Tiarna a tháinig go Irimia fáidh in aghaidh na náisiún.

An Éigipt

[2]Ar an Éigipt: In éadan slua Fhorainn Neaco, rí na hÉigipte, a bhí láimh le habhainn Eofrataes i gCairceimis nuair a bhris Nabúcadnazar rí na Bablóine orthu sa cheathrú bliain de réimeas Iahóiácaím mac Ióisíá, rí Iúdá.

[3]“Gléasaigí an chruinnsciath, agus an sciath! Tugaigí aghaidh ar an gcath!

[4]Úmaigí na heacha; sa diallait, a mharcslua! In bhur ranganna! Bhur gclogaid oraibh! Déanaigí líofa na gatha; cuirigí oraibh bhur lúireacha!

[5]Céard a fheicim? Tá siad scanraithe agus ag filleadh ar a gcúl! Na daoine is fearr orthu buailte siar, iad ag teitheadh i ndiaidh a gcinn, gan dearcadh siar, eagla ó gach taobh! - an Tiarna a labhraíonn.

[6]Níl slánú don té is luaithe; ní ligfear an té is cróga as; ansin sa tuaisceart, lámh le habhainn Eofrataes, faigheann siad tuisle agus titeann siad.

[7]Cé a d'éirigh suas ar nós na Níle, a bhfuil a uisce ag corraí mar thuile?

[8] O Egito vem subindo como o Nilo, como rios cujas águas se agitam; ele disse: Subirei, cobrirei a terra, destruirei a cidade e os que habitam nela.

[9] Avançai, ó cavaleiros, estrondeai, ó carros, e saiam os valentes; os etíopes e os de Pute, que manejam o escudo, e os lídios, que manejam e entesam o arco.

[10] Porque este dia é o Dia do SENHOR, o SENHOR dos Exércitos, dia de vingança contra os seus adversários; a espada devorará, fartar-se-á e se embriagará com o sangue deles; porque o SENHOR, o SENHOR dos Exércitos tem um sacrifício na terra do Norte, junto ao rio Eufrates.

[11] Sobe a Gileade e toma bálsamo, ó virgem filha do Egito; debalde multiplicas remédios, pois não há remédio para curar-te.

[12] As nações ouviram falar da tua vergonha, e a terra está cheia do teu clamor; porque, fugindo o valente, tropeçou no valente, e ambos caíram juntos.

[13] Palavra que falou o SENHOR a Jeremias, o profeta, acerca da vinda de Nabucodonosor, rei da Babilônia, para ferir a terra do Egito:

[14] Anunciai no Egito e fazei ouvir isto em Migdol; fazei também ouvi-lo em Mênfis e em Tafnes; dizei: Apresenta-te e prepara-te; porque a espada já devorou o que está ao redor de ti.

[8]Airiú, nach í an Éigipt a d'éirigh ar nós na Níle agus a huiscí ar fiuchadh mar thuile.'Éireoidh mé, ' ar sí, 'agus báfaidh mé an talamh; scuabfaidh mé chun siúil idir bhailte agus áitritheoirí!

[9]Ar aghaidh, a eachra! buailigí a charbada! ionsaígí, a fheara; a mhuintir na hAetóipe agus Phút, a ghlacann an sciath, a mhuintir Lúd, a chromann an bogha! '

[10]Seo é anois lá an Tiarna, Dia na Slua, an lá a agróidh sé a dhíoltas slogfaidh a chlaíomh iad agus sásófar é, cuirfear ar meisce é lena bhfuil. Sea, tá íobairt ag an Tiarna, Dia na Slua, sa tír thuaidh, láimh le habhainn Eofrataes.

[11]Éirigh suas go Gileád ar lorg íoca, a mhaighdean, a iníon na hÉigipte! Is go díomhaoin a ghlacann tú mórán oideas; níl leigheas i ndán duit.

[12]Chuala na náisiúin faoi do náire, líonann an caoineadh duit an talamh; óir thuisligh an gaiscíoch in aghaidh an ghaiscígh, agus thit siad araon in éineacht."

[13]An briathar a labhair an Tiarna le Irimia fáidh nuair a chuir Nabúcadnazar chun bóthair go n-ionsóidh sé tír na hÉigipte.

[14]"Foilsígí é san Éigipt! Fógraígí i Migdeol! Fógraígí é i Nof agus i dTachpanaes! Abraigí: 'Ag bhur bpoist! Bígí ullamh! ' óir slogann an claíomh máguaird oraibh.

[15] Por que foi derribado o teu Touro? Não se pôde ter de pé, porque o SENHOR o abateu.

[16] O SENHOR multiplicou os que tropeçavam; também caíram uns sobre os outros e disseram: Levanta-te, e voltemos ao nosso povo e à terra do nosso nascimento, por causa da espada que oprime.

[17] Ali, apelidarão a Faraó, rei do Egito, de Espalhafatoso, porque deixou passar o tempo adequado.

[18] Tão certo como vivo eu, diz o Rei, cujo nome é SENHOR dos Exércitos, certamente, como o Tabor é entre os montes e o Carmelo junto ao mar, assim ele virá.

[19] Prepara a tua bagagem para o exílio, ó moradora, filha do Egito; porque Mênfis se tornará em desolação e ficará arruinada e sem moradores.

[20] Novilha mui formosa é o Egito; mas mutuca do Norte já lhe vem, sim, vem.

[21] Até os seus soldados mercenários no meio dele, bezerros cevados, viraram as costas e fugiram juntos; não resistiram, porque veio sobre eles o dia da sua ruína e o tempo do seu castigo.

[22] Faz o Egito um ruído como o da serpente que foge, porque os seus inimigos vêm contra ele, com machados, quais derribadores de árvores.

[15]Céard seo! Ar theith [Aipis]? Nár sheas do cheann láidir go daingean?

[16]Sea, shín an Tiarna ar shlait a dhroma é! Thit sé as a sheasamh, agus anois tá sé ar lár! Ansin ar siad lena chéile: ‘Suas linn! Déanaimis ar ár ndaoine féin, go tír ar nduchais, i bhfad ó chlaíomh na díbheirge! ’

[17]Tabhair an t-ainm seo ar Fhorann: Mórán Fothraim Ach Dall ar an Uain!

[18]Mar a mhairimse - a deir an rí darb ainm Tiarna na Slua - Go deimhin mar atá Tábór i measc na sléibhte agus Cairmeil os cionn na farraige, is mar sin a thiocfaidh sé.

[19]Déan burla duit féin chun dul ar deoraíocht, a iníon na hÉigipte, a chónaíonn go sábháilte sa bhaile! Beidh Nof ina fhásach, go huaigneach gan áitritheoir.

[20]Ba bhodóg bhreá an Éigipt, ach ghreamaigh inti creabhar ón tuaisceart.

[21]Na hamhais a bhí aici ar tuarastal, a bhí slíoctha ar nós laonna biata, thug siad do na bonna é; ní sheasann siad ach teitheann in éineacht; óir tagann orthu lá a n-ainnise, aimsir a gcuartaithe.

[22]Éist: fuaim mar a bheadh siosarnach nathair nimhe! Sea, tagann siad, líon a slua, ag tabhairt fúithi le tuanna, ar nós buanaithe connaidh,

[23] Cortarão o seu bosque, diz o SENHOR, ainda que impenetrável; porque se multiplicaram mais do que os gafanhotos; são inumeráveis.
[24] A filha do Egito está envergonhada; foi entregue nas mãos do povo do Norte.
[25] Diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Eis que eu castigarei a Amom de Nô, a Faraó, ao Egito, aos deuses e aos seus reis, ao próprio Faraó e aos que confiam nele.
[26] Entregá-los-ei nas mãos dos que lhes procuram a morte, nas mãos de Nabucodonosor, rei da Babilônia, e nas mãos dos seus servos; mas depois será habitada, como nos dias antigos, diz o SENHOR.

[27] Não temas, pois, tu, servo meu, Jacó, nem te espantes, ó Israel; porque eu te livrarei do país remoto e a tua descendência, da terra do seu cativeiro; Jacó voltará e ficará tranqüilo e confiante; não haverá quem o atemorize.

[28] Não temas, servo meu, Jacó, diz o SENHOR, porque estou contigo; darei cabo de todas as nações para as quais eu te arrojei; mas de ti não darei cabo; castigar-te-ei, mas em justa medida; não te inocentarei de todo.

Jeremias 47

Profecia a respeito dos filisteus

[23]leagfaidh siad a foraois - is é an Tiarna a labhraíonn. Sea, tá [siad] thar áireamh, níos líonmhaire ná na lócaistí do-áirithe.

[24]Tá iníon na hÉigipte á náiriú, á tabhairt i láimh mhuintir an tuaiscirt."

[25]Tá sé ráite ag Tiarna na Slua, Dia Iosrael: "Smachtóidh mé anois Amón as Nó (agus Forann) agus an Éigipt agus a déithe agus a ríthe in éineacht le Forann agus iad siúd a chuir a ndóchas ann.

[26]Tabharfaidh mé é i láimh na ndaoine a iarrann a bhás, i láimh Nabúcadnazar, rí na Bablóine, agus a sheirbhíseach. Ach amach anseo, áitreofar an Éigipt arís mar a bhí anallód - is é an Tiarna a labhraíonn.

[27]Ach ná bíodh eagla ort, a shearbhónta liom, a Iacóib, ná bíodh scanradh ort, a Iosrael: féach, sábhálfaidh mise thú as tíortha i gcéin, agus do shliocht as tír a ndaoirse. Beidh Iacób ar ais arís i suaimhneas agus mairfidh go sóúil, ní chuirfidh aon duine eagla air.

[28]Ná bíodh eagla ort, a shearbhónta liom, a Iacóib, - an Tiarna a labhraíonn - óir táimse leat. Cuirfidh mé deireadh leis na ciníocha uile mar ar scaip mé thú. Ní chuirfidh mé deireadh leatsa, ach smachtóidh mé thú go measartha, le nach bhfágfaidh mé ar fad gan pianadh thú."

Irimia 47

Na Filistínigh

[1] Palavra do SENHOR que veio a Jeremias, o profeta, a respeito dos filisteus, antes que Faraó ferisse a Gaza.

[1]Briathar an Tiarna a tháinig go Irimia fáidh in aghaidh na bhFilistíneach sular thóg Forann Gazá de ruathar.

[2] Assim diz o SENHOR: Eis que do Norte se levantam as águas, e se tornarão em torrentes transbordantes, e inundarão a terra e a sua plenitude, a cidade e os seus habitantes; clamarão os homens, e todos os moradores da terra se lamentarão,

[2]Is mar seo a deir an Tiarna: “Féach, cé mar éiríonn na huiscí ón tuaisceart; briseann siad ina dtuile thar bruach; báitear an tír agus gach a bhfuil ann, na bailte agus lucht a gcónaithe! Scairteann na fir in ard a gcinn, tá éamh le clos ó áitritheoirí uile na tíre,

[3] ao ruído estrepitoso das unhas dos seus fortes cavalos, ao barulho de seus carros, ao estrondo das suas rodas. Os pais não atendem aos filhos, por se afrouxarem as suas mãos;

[3]le tormán cruite a chuid staileanna, le toithréim a charbad, le díoscán a roilleán. Dearmadann aithreacha a gclanna; éiríonn a lámha lag.

[4] por causa do dia que vem para destruir a todos os filisteus, para cortar de Tiro e de Sidom todo o resto que os socorra; porque o SENHOR destruirá os filisteus, o resto de Caftor da terra do mar.

[4]Óir tá an lá tagtha ina scriosfar na Filistínigh uile, ina scoirfear ó Thuíre agus ó Shíodón a lucht taca ar fad. Sea, tá an Tiarna ag creachadh na bhFilistíneach, an fuíoll as Inis Chaftór.

[5] Sobreveio calvície a Gaza, Asquelom está reduzida a silêncio, com o resto do seu vale; até quando vós vos retalhareis?

[5]Ceann bearrtha ar Ghaza! Sost ar fud Aiscileon! Aisdeod, a bhfuil fágtha de Anácaím, cá fhad a ghearrfaidh tú thú féin?

[6] Ah! Espada do SENHOR, até quando deixarás de repousar? Volta para a tua bainha, descansa e aquieta-te.

[6]Ó, a chlaíomh an Tiarna, Cá fhad go mbeidh tú suaimhneach? Isteach leat i do thruaill, éirigh as, bí socair!

[7] Como podes estar quieta, se o SENHOR te deu ordem? Contra Asquelom e contra as bordas do mar é para onde ele te dirige.

[7]Conas is féidir dó a bheith suaimhneach ó thug an Tiarna ordú dó? In éadan Aiscileon agus bord na farraige, is chucusan a d'ordaigh sé é.”

Jeremias 48

Profecia a respeito de Moabe

[1] A respeito de Moabe. Assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel:

Irimia 48

Móáb

[1]I dtaobh Mhóáb: Is mar seo a deir an Tiarna na Slua, Dia Iosrael: “Is mairg do

Ai de Nebo, porque foi destruída! Envergonhada está Quiriataim, já está tomada; a fortaleza está envergonhada e abatida.

2 A glória de Moabe já não é; em Hesbom tramaram contra ela, dizendo: Vinde, e eliminemo-la para que não seja mais povo; também tu, ó Madmém, serás reduzida a silêncio; a espada te perseguirá.

3 Há gritos de Horonaim: Ruína e grande destruição!

4 Destruída está Moabe; seus filhinhos fizeram ouvir gritos.

5 Pela subida de Luíte, eles seguem com choro contínuo; na descida de Horonaim, se ouvem gritos angustiosos de ruína.

6 Fugi, salvai a vossa vida, ainda que venhais a ser como o arbusto solitário no deserto.

7 Pois, por causa da tua confiança nas tuas obras e nos teus tesouros, também tu serás tomada; Quemos sairá para o cativeiro com os seus sacerdotes e os seus príncipes juntamente.

8 Virá o destruidor sobre cada uma das cidades, e nenhuma escapará; perecerá o vale, e se destruirá a campina; porque o SENHOR o disse.

9 Dai asas a Moabe, porque, voando, sairá; as suas cidades se tornarão em ruínas, e ninguém morará nelas.

10 Maldito aquele que fizer a obra do SENHOR relaxadamente! Maldito aquele que retém a sua espada do sangue!

Neabó, óir tá sé airgthe; gabhadh Ciriataím, níl istigh ann ach mearbhall agus scéin.

2Ní ábhar maíte é ag Móáb a thuilleadh! bheartaigh siad a bhriseadh ag Heisbeon: 'Tagaigí! gearraimis amach é ó bheith ina chine! ' Gearrfar síos thusa freisin, a Mhadmaen, ní fada uait an claíomh.

3Éist! Scairt ó Abáraím anall: 'Creachadh! Anachain mhór! '

4'Tá briste ar Mhóáb'; cluintear an guth chomh fada le Zoar.

5Ag dul suas fána Lúichít dóibh, caoineann siad. Ag dul síos Horónaím cluintear gol:

6'Imígí! Teithigí le bhur n-anamacha! Rithigí ar nós na n-asal bhfiáin san fhásach! '

7Sea, ó chuir tú do dhóchas i do dhaingne láidre tógfar thusa freisin i láimh. Rachaidh Camóis i mbraighdeanas mar aon lena shagairt agus lena phrionsaí.

8Tiocfaidh an scriosadóir ar gach uile bhaile, ní rachaidh aon duine slán; creachfar an gleann, scriosfar an machaire; fógraíonn an Tiarna é!

9Tabhair tuama do Mhóáb, óir tá sé scriosta go hiomlán; tá a bhailte uaigneach, gan aon duine ina chónaí iontu.

10("Gura mallaithe an té a dhéanann obair an Tiarna go leamh. Gura mallaithe an té a choinneoidh a chlaíomh ar ais ó fhuil!)

[11] Despreocupado esteve Moabe desde a sua mocidade e tem repousado nas fezes do seu vinho; não foi mudado de vasilha para vasilha, nem foi para o cativeiro; por isso, conservou o seu sabor, e o seu aroma não se alterou.

[11]Bhí Móáb i suaimhneas óna óige; shuigh sé ar a mhoirt; níor folmhaíodh é ó shoitheach go soitheach; níor chuaigh riamh i mbraighdeanas; uime sin choinnigh sé a bhlas dílis féin, níor aistríodh a bholadh.

[12] Portanto, eis que vêm dias, diz o SENHOR, em que lhe enviarei trasfegadores, que o trasfegarão; despejarão as suas vasilhas e despedaçarão os seus jarros.

[12]“Mar sin tá na laethanta atá ag teacht - is é an Tiarna a labhraíonn - a gcuirfidh mise ruagairí chuige a dhéanfaidh é a aistriú; folmhóidh siad a shoithí agus brisfidh i smidiríní a bhuidéil.

[13] Moabe terá vergonha de Quemos, como a casa de Israel se envergonhou de Betel, sua confiança.

[13]Beidh náire ar Mhóáb ansin faoi Chamóis, mar a bhí ar theach Iosrael faoi Bhéitéil a ndóchas.

[14] Como dizeis: Somos valentes e homens fortes para a guerra?

[14]Conas a deir sibhse: ‘Is fir chumhachtacha sinne, agus réidh chun cogaidh’?

[15] Moabe está destruído e subiu das suas cidades, e os seus jovens escolhidos desceram à matança, diz o Rei, cujo nome é SENHOR dos Exércitos.

[15]Tháinig scriosadóir Mhóáb anuas air; chuaigh togha a dhaoine óga síos chun an áir.

[16] Está prestes a vir a perdição de Moabe, e muito se apressa o seu mal.

[16]Ní fada i gcéin anois ainnise Mhóáb; deifríonn sí ar luas a anachaine.

[17] Condoei-vos dele, todos os que estais ao seu redor e todos os que lhe sabeis o nome; dizei: Como se quebrou a vara forte, o cajado formoso!

[17]Sibhse a chónaíonn in aice leis, golaigí ar a shon, sibhse uile arbh eol daoibh a ainm. Abraigí: ‘Cé mar a briseadh an bata láidir sin, an ríshlat bhreá sin! ’

[18] Desce da tua glória e assenta-te em terra sedenta, ó moradora, filha de Dibom; porque o destruidor de Moabe sobe contra ti e desfaz as tuas fortalezas.

[18]Tar anuas ó do ghlóir, suigh san [aoileach], a iníon a chónaíonn i nDíobón, slán sábháilte sa bhaile; tá scriosadóir Mhóáb tagtha ort; tá do dhaingin tógtha aige.

[19] Põe-te no caminho e espia, ó moradora de Aroer; pergunta ao que foge e à que escapa: Que sucedeu?

[19]A lucht cónaithe Aroéir, seasaigí sa tslí, déanaigí faire. Fiafraígí den teifeach, den

té i mbun reatha, fiafraígí: 'Céard a tharla?
'

[20] Moabe está envergonhado, porque foi abatido; uivai e gritai; anunciai em Arnom que Moabe está destruído.

[20]Tá Móáb briste agus náirithe. Uailligí agus éimhigí Scairtigí thar Amón anonn gur creachadh Móáb.

[21] Também o julgamento veio sobre a terra da campina, sobre Holom, Jasa e Mefaate,

[21]"Tá breithiúnas tagtha freisin ar an Aichréidh, ar Holón, Iazá, Maefát,

[22] sobre Dibom, Nebo e Bete-Diblataim,

[22]Díobón, Neabó, Béit Dibleataím,

[23] sobre Quiriataim, Bete-Gamul e Bete-Meom,

[23]Ciriataím, Béit Gámúl, Béit Meón,

[24] sobre Queriote e Bozra, e até sobre todas as cidades da terra de Moabe, quer as de longe, quer as de perto.

[24]Ciriót, Bozrá, agus ar bhailte uile thír Mhóáb, i bhfad agus i ngearr.

[25] Está eliminado o poder de Moabe, e quebrado, o seu braço, diz o SENHOR.

[25]Baineadh a adharc de Mhóáb, agus briseadh a ghéag - an Tiarna a labhraíonn.

[26] Embriagai-o, porque contra o SENHOR se engrandeceu; Moabe se revolverá no seu vômito e será ele também objeto de escárnio.

[26]"Cuir ar meisce é! Mhóraigh sé é féin in éadan an Tiarna; beidh Móáb ag únfairt ina sceathrach féin; beidh sé fós ina cheap magaidh.

[27] Pois Israel não te foi também objeto de escárnio? Mas, acaso, foi achado entre ladrões, para que meneies a cabeça, falando dele?

[27]Nach raibh Iosrael ina mhagadh agatsa? Ar gabhadh é i measc gadaithe, le go mbeifeása ag croitheadh do chinn nuair a luann tú a ainm?

[28] Deixai as cidades e habitai no rochedo, ó moradora de Moabe; sede como as pombas que se aninham nos flancos da boca do abismo.

[28]Fágaigí na bailte, cuirigí fúibh sna creaga, a áitritheoirí Mhóáb. Foghlaimígí ón gcolm a dhéanann a nead i mbéal na haille.

[29] Ouvimos falar da soberba de Moabe, que de fato é extremamente soberba, da sua arrogância, do seu orgulho, da sua sobranceria e da altivez do seu coração.

[29]Chualamar faoi uabhar Mhóáb; tá sé ró-uaibhreach! A leithéid de mhóracht! de dhíomas! d'éirí in airde! de mhóiréis chroí!

[30] Conheço, diz o SENHOR, a sua insolência, mas isso nada é; as suas gabarolices nada farão.

[30]Is feasach domsa a theanntás - an Tiarna a labhraíonn - a mhaíomh díomhaoin, agus an mórtas baoth a dhéanann sé!

[31] Por isso, uivarei por Moabe, sim, gritarei por todo o Moabe; pelos homens de Quir-Heres lamentarei.
[32] Mais que a Jazer, te chorarei a ti, ó vide de Sibma; os teus ramos passaram o mar, chegaram até ao mar de Jazer; mas o destruidor caiu sobre os teus frutos de verão e sobre a tua vindima.

[33] Tirou-se, pois, o folguedo e a alegria do campo fértil e da terra de Moabe; pois fiz cessar nos lagares o vinho; já não pisarão uvas com júbilo; o júbilo não será júbilo.

[34] Ouve-se o grito de Hesbom até Eleale e Jasa, e de Zoar se dão gritos até Horonaim e Eglate-Selisias; porque até as águas do Ninrim se tornaram em assolação.

[35] Farei desaparecer de Moabe, diz o SENHOR, quem sacrifique nos altos e queime incenso aos seus deuses.

[36] Por isso, o meu coração geme como flautas por causa de Moabe, e como flautas geme por causa dos homens de Quir-Heres; porquanto já se perdeu a abundância que ajuntou.
[37] Porque toda cabeça ficará calva, e toda barba, rapada; sobre todas as mãos haverá incisões, e sobre os lombos, pano de saco.
[38] Sobre todos os eirados de Moabe e em todas as suas praças há pranto, porque fiz Moabe em pedaços, como vasilha de barro que não agrada, diz o SENHOR. Como está desfalecido!

[31]Ar an ábhar sin uaillimse ar son Mhóáb, golaim ar son Mhóáb uile, agus caoinim fir Chír Heireas.
[32]Golaim ar do shon níos mó ná ar son Iazaer, a fhíniúin Shuibmeá; shín do chuid buinní thar farraige, an bealach ar fad go Iazaer. Tá an scriosadóir tagtha ar do thorthaí fómhair, ar thorthaí d'fhíniúna.
[33]Sciobadh gairdeachas agus lúcháir ó thír Mhóáb. Deoir níl fágtha sna cantaoirí fíona, níl an fómharaí fíona ag pasáil a thuilleadh: ar ghlórtha gealgháireacha tá múchadh tagtha.
[34]“Tá éamh Heisbeon agus Eileálae le clos i Iahaz. Téann an screadach ó Zoar go Horónaím agus Eaglat Silísia, óir tá uiscí Nimrím ag éirí uaigneach anois.
[35]Agus cuirfidh mise deireadh - an Tiarna a labhraíonn - le haon fhear i Móáb a ofrálann íobairt agus túis dá dhia sna háiteanna arda.
[36]Sin é an fáth a bhfuaimníonn mo chroí ar nós píobáin ar son Mhóáb, a bhfuaimníonn sé ar nós píbe ar son muintir Chír Heireas: de bhrí go ndeachaigh an saibhreas mór sin amú.
[37]Sea, tá gach cloigeann bearrtha, gach féasóg gearrtha, tá scoradh ar na lámha uile, sacéadach ar na leasracha uile.
[38]Ar dhíonta tithe Mhóáb agus ina shráideanna, níl le clos ach caoineadh, mar bhris mé Móáb mar a bhrisfí soitheach nach dteastaíonn ó aon duine - an Tiarna a labhraíonn.

[39] Como uivam! Como, de vergonha, virou Moabe as costas! Assim, se tornou Moabe objeto de escárnio e de espanto para todos os que estão em seu redor.

[40] Porque assim diz o SENHOR: Eis que voará como a águia e estenderá as suas asas contra Moabe.

[41] São tomadas as cidades, e ocupadas, as fortalezas; naquele dia, o coração dos valentes de Moabe será como o coração da mulher que está em dores de parto.

[42] Moabe será destruído, para que não seja povo, porque se engrandeceu contra o SENHOR.

[43] Terror, cova e laço vêm sobre ti, ó moradora de Moabe, diz o SENHOR.

[44] Quem fugir do terror cairá na cova, e, se sair da cova, o laço o prenderá; porque trarei sobre ele, sobre Moabe, o ano do seu castigo.

[45] Os que fogem param sem forças à sombra de Hesbom; porém sai fogo de Hesbom e labareda do meio de Seom e devora as têmporas de Moabe e o alto da cabeça dos filhos do tumulto.

[46] Ai de ti, Moabe! Pereceu o povo de Quemos, porque teus filhos ficaram cativos, e tuas filhas, em cativeiro.

[47] Contudo, mudarei a sorte de Moabe, nos últimos dias, diz o SENHOR. Até aqui o juízo contra Moabe.

[39]Céard é seo! Briste? Céard é seo! Móáb an ea, á chur ar gcúl go náireach? Céard é seo! Móáb a bheith ina scige, ina ábhar uafáis ag a chomharsana uile?”

[40]Óir is mar seo a deir an Tiarna: “(Féach, eitlíonn sé ar nós iolair, agus leathnóidh sé a sciatháin os cionn Mhóáb.)

[41]Tógfar i láimh na bailte, beidh seilbh ar na háiteanna daingne. (“Agus beidh croí na bhfear cogaidh an lá sin i Móáb mar a bheadh croí mná i dtinneas clainne.)

[42]Scriosfar Móáb ó bheith ina phobal, mar gur mhéadaigh sé é féin in éadan an Tiarna.

[43]Tá an scéin, an poll, an gaiste i ndán duit, a áitreabhaigh Mhóáb - an Tiarna a labhraíonn.

[44]An té a theitheann ón scéin, titfidh sé isteach sa pholl; ag dreapadh aníos as an bpoll dó tógfar sa ghaiste é. Sea, sin iad [na sciúirsí] a bhuailfidh mé ar Mhóáb i mbliain a chuardaithe - an Tiarna a labhraíonn.

[45]Rinneadar moill faoi dhíon Heisbeon, na teifigh agus iad go traochta. Ach tháinig tine as Heisbeon, lasair as pálás Shíochon; loisc sé malaí Mhóáb, cloigeann na ndaoine ceannairceacha.

[46]Is mairg thú, a Mhóáb! A phobal Chamóis, tá sibh caillte! óir seoladh do chlann mhac chun deoraíochta, agus tógadh i láimh do chlann iníonacha.

[47]Ach cuirfidh mise Móáb ar ais ina áit féin sna laethanta atá le teacht. Is é an

Tiarna a labhraíonn.” Breithiúnas Mhóáb go dtí seo.

Jeremias 49

Profecia a respeito dos amonitas

1 A respeito dos filhos de Amom. Assim diz o SENHOR: Acaso, não tem Israel filhos? Não tem herdeiro? Por que, pois, herdou Milcom a Gade, e o seu povo habitou nas cidades dela?

2 Portanto, eis que vêm dias, diz o SENHOR, em que farei ouvir em Rabá dos filhos de Amom o alarido de guerra, e tornar-se-á num montão de ruínas, e as suas aldeias serão queimadas; e Israel herdará aos que o herdaram, diz o SENHOR.

3 Uiva, ó Hesbom, porque é destruída Ai; clamai, ó filhos de Rabá, cingi-vos de cilício, lamentai e dai voltas por entre os muros; porque Milcom irá em cativeiro, juntamente com os seus sacerdotes e os seus príncipes.

4 Por que te glorias nos vales, nos teus luxuriantes vales, ó filha rebelde, que confias nos teus tesouros, dizendo: Quem virá contra mim?

5 Eis que eu trarei terror sobre ti, diz o SENHOR, o SENHOR dos Exércitos, de todos os que estão ao redor de ti; e cada um de vós será lançado em frente de si, e não haverá quem recolha os fugitivos.

Irimia 49

Amón

1 I dtaobh chlann mhac Amón. Is mar seo a deir an Tiarna: “Nach bhfuil mic ar bith ag Iosrael? Nach bhfuil oidhre ar bith aige? Cad chuige a bhfuil Miolcom ina oidhre ar Ghád agus a gcónaíonn a mhuintir siúd ina bhailte?

2 Uime sin tá na laethanta ag teacht - an Tiarna a labhraíonn - ina dtabharfaidh mise faoi deara caismirt chogaidh a chloisteáil in aghaidh Rabat na nAmónach; beidh sí ina cairn uaigneach, dófar a hiníonbhailte go talamh. Ansin creachfaidh Iosrael lucht a chreachta siúd - an Tiarna a labhraíonn.

3 Uaill, a Heisbeón! [Tá an scriosadóir chugat.] Golaigí os ard, a iníonacha Rabá! Gabhaigí sibh féin i sacéadach, caoinigí in ard bhur gcinn, siúlaigí síos suas agus [bhur gcolainn scortha]. Óir tá Miolcom ag dul ar deoraíocht, mar aon lena shagairt agus lena phrionsaí.

4 Maíonn tú as do ghleann, a chailín mhístuama! Go teann agus go dána deir tusa: ‘Cé thiocfadh dom ionsaíse? ’

5 Ach tabharfaidh mise anuas ort imeagla ó gach taobh; díbreofar chun siúil thú, gach aon fhear ina shlí féin, agus gan aon duine ann chun na teifigh a chruinniú.

[6] Mas depois disto mudarei a sorte dos filhos de Amom, diz o SENHOR.

Profecia a respeito dos edomitas

[7] A respeito de Edom. Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Acaso, já não há sabedoria em Temã? Já pereceu o conselho dos sábios? Desvaneceu-se-lhe a sabedoria?

[8] Fugi, voltai, retirai-vos para as cavernas, ó moradores de Dedã, porque eu trarei sobre ele a ruína de Esaú, o tempo do seu castigo.

[9] Se vindimadores viessem a ti, não deixariam alguns cachos? Se ladrões, de noite, não te danificariam só o que lhes bastasse?

[10] Mas eu despi a Esaú, descobri os seus esconderijos, e não se poderá esconder; está destruída a sua descendência, como também seus irmãos e seus vizinhos, e ele já não é.

[11] Deixa os teus órfãos, e eu os guardarei em vida; e as tuas viúvas confiem em mim.

[12] Porque assim diz o SENHOR: Eis que os que não estavam condenados a beber o cálice totalmente o beberão, e tu serias de todo inocentado? Não serás tido por inocente, mas certamente o beberás.

[13] Porque por mim mesmo jurei, diz o SENHOR, que Bozra será objeto de espanto, de opróbrio, de assolação e de

[6]“Ach amach anseo tabharfaidh mé ar ais liom bránna chlann mhac Amón. Is é an Tiarna a labhraíonn.”

Eadóm

[7]I dtaobh Eadóm. Is mar seo a deir an Tiarna: “An é nach bhfuil críonnacht fágtha i dTéamán? Ar imigh a chomhairle ón [nglic]? An ndeachaigh a eagna ar neamhní?

[8]Imígí: Greadaigí! téigí i bhfolach, a áitritheoirí Dhéadán! Óir tabharfaidh mise ainnise ar Éasau, nuair a thiocfaidh mé dá fhéachaint.

[9]Má thagann lucht bainte caor chugat, ní fhágfaidh siad caora díolama; Má thagann gadaithe san oíche, sladfaidh siad go suaimhneach.

[10]Óir is mise atá ag lomadh Éasau, nochtaimse a áiteanna folaithe, go dtí nach bhféadfaidh sé é féin a cheilt. Scriosadh a shíol: tá deireadh leis! Ní [déarfaidh] oiread agus duine dá chomharsana:

[11]‘Fág do dhílleachtaí, coinneoidh mise bia leo, bíodh muinín ag do bhaintreacha asam.’ ”

[12]Óir is mar seo a deir an Tiarna: “An drong nach raibh ceangal orthu ól den chupán, ní mór dóibh a ól anois; agus an tusa an té a rachadh gan pionós? Ní rachaidh, mhaise: go deimhin ólfaidh tusa de!

[13]Óir mhionnaigh mise dar mé féin - an Tiarna a labhraíonn: Beidh Bozrá ina uafás, ina scige, ina fhásach, ina mhallú, agus a bhailte uile ina bhfásach síoraí.”

desprezo; e todas as suas cidades se tornarão em assolações perpétuas.

Os pecados e o castigo de Edom

[14] Ouvi novas da parte do SENHOR, e um mensageiro foi enviado às nações, para lhes dizer: Ajuntai-vos, e vinde contra ela, e levantai-vos para a guerra.

[14]Fuair mé teachtaireacht ón Tiarna, seoladh teachta chun na náisiún trí chéile: “Cruinnígí! téigí in aghaidh an phobail seo! Éirígí chun catha!”

[15] Porque eis que te fiz pequeno entre as nações, desprezado entre os homens.

[15]Óir déanfaidh mise beag thú anois i measc na náisiún, tarcaisneach i measc daoine.

[16] O terror que inspiras e a soberba do teu coração te enganaram. Tu que habitas nas fendas das rochas, que ocupas as alturas dos outeiros, ainda que eleves o teu ninho como a águia, de lá te derribarei, diz o SENHOR.

[16]Mheall cáil na fíochmhaire thú, chuir uabhar do chroí [ar seachrán] thú, thusa a chónaíonn i scailp na carraige, a ghreamaíonn d'airde na gcnoc! Bíodh go ndéanfá do nead chomh hard leis an iolar, theilgfinnse síos as sin thú arís - an Tiarna a labhraíonn.

[17] Assim, será Edom objeto de espanto; todo aquele que passar por ele se espantará e assobiará por causa de todas as suas pragas.

[17]Beidh Eadóm ina fhásach; beidh uafás ar gach aon dá ngabhann an tslí, agus ligfidh fead iontais faoina leithéid de thubaiste.

[18] Como na destruição de Sodoma e Gomorra e das suas cidades vizinhas, diz o SENHOR, assim não habitará ninguém ali, nem morará nela homem algum.

[18]Amhail mar a bhí i scrios Shodom agus Ghomorá, agus sna bailte timpeall ní fhanfaidh duine ann níos mó, ní dhéanfaidh aon fhear cónaí ann go deo, a deir an Tiarna.

[19] Eis que, como sobe o leãozinho da floresta jordânica contra o rebanho em pasto verde, assim, num momento, arrojarei dali a Edom e lá estabelecerei a quem eu escolher. Pois quem é semelhante a mim? Quem me pedirá contas? E quem é o pastor que me poderá resistir?

[19]“Féach, cé mar a thagann an leon aníos as mothar na Iordáine chuig an féarach marthanach! Is mar sin a ruaigfidh mise go tobann iad, agus cuirfidh mé ann mo rogha duine. Óir cé is cosúil liom? Cé a fhéadann mise a chiontú? Ainmnigh dom an tréadaí a sheasfadh i m'éadan.

[20] Portanto, ouvi o conselho do SENHOR que ele decretou contra Edom e os desígnios que ele formou contra os

[20]Mar sin éistigí le comhairle an Tiarna atá socair aige in éadan Eadóm, an plean atá beartaithe aige in éadan áitritheoirí

moradores de Temã; certamente, até os menores do rebanho serão arrastados, e as suas moradas, espantadas por causa deles.

[21] A terra estremeceu com o estrondo da sua queda; e, do seu grito, até ao mar Vermelho se ouviu o som.

[22] Eis que como águia subirá, voará e estenderá as suas asas contra Bozra; naquele dia, o coração dos valentes de Edom será como o coração da mulher que está em dores de parto.

Profecia a respeito de Damasco

[23] A respeito de Damasco. Envergonhou-se Hamate e Arpade; e, tendo ouvido más novas, cambaleiam; são como o mar agitado, que não se pode sossegar.

[24] Enfraquecida está Damasco; virou as costas para fugir, e tremor a tomou; angústia e dores a tomaram como da que está de parto.

[25] Como está abandonada a famosa cidade, a cidade de meu folguedo!

[26] Portanto, cairão os seus jovens nas suas praças; todos os homens de guerra serão reduzidos a silêncio naquele dia, diz o SENHOR dos Exércitos.

[27] Acenderei fogo dentro do muro de Damasco, o qual consumirá os palácios de Ben-Hadade.

Profecia a respeito da Arábia

[28] A respeito de Quedar e dos reinos de Hazor, que Nabucodonosor, rei da Babilônia, feriu. Assim diz o SENHOR: Levantai-vos, subi contra Quedar e destruí os filhos do Oriente.

Théamán: Sea, tógfar chun siúil fiú an té is laige den tréad, ar a fheiceáil sin dóibh, beidh a dtréad ar ballchrith.

[21]Corrófar an talamh le torann a dtitime; beidh an fhuaim le cloisteáil chomh fada le Muir na nGiolcach.

[22]Seo é an té a bhíonn ag eitilt agus ag foluain ar nós iolair, a leathnóidh a sciatháin os cionn Bhozrá. Agus beidh croí fhir chogaidh Eadóm an lá sin mar a bheadh croí mná i dtinneas clainne."

Bailte na Síre

[23]I dtaobh na Damaisce: "Tá mearbhall ar Hamát, mar an gcéanna le hArpad; chuala siad drochscéala. Tá a gcroí [breoite le teann eagla]. Ní féidir iad a shuaimhniú.

[24]Tá an Damaisc gan mhisneach, ullmhaíonn sí chun teitheadh, tá sí ar crith, (gabhann dobrón agus doilíos í mar a bheadh bean in íona).

[25]Céard seo! An baile cáiliúil sin ina fhásach, cathair sin na meidhre?

[26]"Ar an ábhar sin titfidh a fir óga ina sráideanna, agus éagfaidh an uile fhear cogaidh aici ar an lá sin. Is é Tiarna na Slua a labhraíonn.

[27]Lasfaidh mé tine taobh istigh de bhallaí na Damaisce; slogfaidh sí páláis Bhein Hadad."

Na Treibheanna Arabacha

[28]I dtaobh Chéadar agus ríochtaí Hazór a chuir Nabúcadnazar rí na Bablóine faoi chois. Is mar seo a deir an Tiarna: "Éirígí! Tugaigí aghaidh ar Chéadar, sciosaigí clann mhac an oirthir!

[29] Tomarão as suas tendas, os seus rebanhos; as lonas das suas tendas, todos os seus bens e os seus camelos levarão para si; e lhes gritarão: Há horror por toda parte!

[30] Fugi, desviai-vos para mui longe, retirai-vos para as cavernas, ó moradores de Hazor, diz o SENHOR; porque Nabucodonosor, rei da Babilônia, tomou conselho e formou desígnio contra vós outros.

[31] Levantai-vos, ó babilônios, subi contra uma nação que habita em paz e confiada, diz o SENHOR; que não tem portas, nem ferrolhos; eles habitam a sós.

[32] Os seus camelos serão para presa, e a multidão dos seus gados, para despojo; espalharei a todo vento aqueles que cortam os cabelos nas têmporas e de todos os lados lhes trarei a ruína, diz o SENHOR.

[33] Hazor se tornará em morada de chacais, em assolação para sempre; ninguém habitará ali, homem nenhum habitará nela.

Profecia a respeito dos elamitas

[34] Palavra do SENHOR que veio a Jeremias, o profeta, contra Elão, no princípio do reinado de Zedequias, rei de Judá, dizendo:

[35] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Eis que eu quebrarei o arco de Elão, a fonte do seu poder.

[36] Trarei sobre Elão os quatro ventos dos quatro ângulos do céu e os espalharei na direção de todos estes ventos; e não

[29]Gabhtar a gcuid bothanna agus a dtréada; tógtar a mbratacha agus a soithí uile, agus freisin a gcuid camall. Déantar fógairt dóibh: ‘Eagla ar gach uile thaobh! ’

[30]Teithigí! Folaigí sibh féin chomh mear agus is féidir libh, A chathróirí Hazór! Is é an Tiarna a labhraíonn. Óir tá plean ag Nabúcadnazar in bhur n-éadan, tá comhairle ar a aigne aige in bhur n-éadan:

[31]“Éirígí! téigí in éadan cine atá go sámh, atá beo go muiníneach - an Tiarna a labhraíonn - nach bhfuil geataí acu ná barraí, a chónaíonn san uaigneas!

[32]Beidh a gcamaill ina n-éadáil, agus iomadúlacht a gcaorach ina gcreach.’ Scaoilfidh mé leis na gaotha uile iad, na bearracháin sin, agus tabharfaidh mise anachain orthu ó gach taobh - an Tiama a labhraíonn.

[33]Beidh Hazór ina bhrocais seacál, ina fhásach go brách, ní fhanfaidh aon duine ann níos mó, ní dhéanfaidh mac duine cónaí ann arís go brách.”

Éalám

[34]Briathar an Tiarna a tháinig go Irimia fáidh i dtaobh Éalám, i dtosach réim Zidicíá rí Iúdá.

[35]Is mar seo a deir Tiarna na Slua: “Tá mé chun bogha Éalám, ceann a nirt, a bhriseadh.

[36]Tabharfaidh mé ar Éalám na ceithre gaotha ó cheithre airde neimhe, “agus scaoilfidh mé na hÉalámaigh leis na

haverá país aonde não venham os fugitivos de Elão.

[37] Farei tremer a Elão diante de seus inimigos e diante dos que procuram a sua morte; farei vir sobre os elamitas o mal, o brasume da minha ira, diz o SENHOR; e enviarei após eles a espada, até que venha a consumi-los.

[38] Porei o meu trono em Elão e destruirei dali o rei e os príncipes, diz o SENHOR.

[39] Nos últimos dias, mudarei a sorte de Elão, diz o SENHOR.

gaotha; ní bheidh cine ar bith nach dtiocfaidh díbeartaigh Éalám chucu.

[37]“Tabharfaidh mé ar na hÉalámaigh creathnú i láthair a naimhde i láthair na droinge a iarrann a mbás. Tabharfaidh mé olc anuas orthu, m'fhearg bhorb féin. Ruaigfidh mé iad le béal an chlaímh, go gcuirfidh mé deireadh leo.

[38]Suífidh mé mo ríchathaoir in Éalám, agus glanfaidh mé as rí agus uaisle - an Tiarna a labhraíonn. “Ach sna laethanta deireanacha tabharfaidh mé ar ais bránna Éalám. An Tiarna a labhraíonn.”

Jeremias 50

Profecia a respeito da Babilônia

[1] Palavra que falou o SENHOR contra a Babilônia e contra a terra dos caldeus, por intermédio de Jeremias, o profeta.

[2] Anunciai entre as nações; fazei ouvir e arvorai estandarte; proclamai, não encubrais; dizei: Tomada é a Babilônia, Bel está confundido, e abatido, Merodaque; cobertas de vergonha estão as suas imagens, e seus ídolos tremem de terror.

[3] Porque do Norte subiu contra ela uma nação que tornará deserta a sua terra, e não haverá quem nela habite; tanto os homens como os animais fugiram e se foram.

[4] Naqueles dias, naquele tempo, diz o SENHOR, voltarão os filhos de Israel, eles e os filhos de Judá juntamente; andando e

Irimia 50

Oracal in Aghaidh na Bablóine -- agus Fuascailt Iosrael

[1]An briathar a labhair an Tiarna in éadan na Bablóine, in éadan tír na gCaildéach, trí Irimia fáidh.

[2]“Foilsígí i measc na náisiún é, fógraígí é: ná ceiligí é, abraigí: ‘Tá an Bhablóin gafa, tá Béil náirithe, tá Marodac ina smionagar. (Tá a híola náirithe, a dealbha gránna ina smidiríní.)’

[3]Óir tá cine ag teacht ina haghaidh ón tuaisceart, a dhéanfaidh a tír ina fásach; ní bheidh cónaí ag duine ann feasta; thug siad as, idir dhuine agus bheithíoch, tá siad imithe.

[4]Sna laethanta sin agus san am sin fillfidh clann Iosrael; tiocfaidh siad agus iad ag gol ag lorg an Tiarna a nDia féin.

chorando, virão e buscarão ao SENHOR, seu Deus.

5 Perguntarão pelo caminho de Sião, de rostos voltados para lá, e dirão: Vinde, e unamo-nos ao SENHOR, em aliança eterna que jamais será esquecida.

5Iarrfaidh siad an tslí go Síón; beidh a n-aighthe sa treo sin: 'Tagaigí, ' ar siad, 'ceanglaímis sinn féin don Tiarna i gconradh síothbhuan nach ligfear i ndearmad go brách! '

6 O meu povo tem sido ovelhas perdidas; seus pastores as fizeram errar e as deixaram desviar para os montes; do monte passaram ao outeiro, esqueceram-se do seu redil.

6Ba chaoirigh ag fánaíocht mo phobalsa; chuir a dtréadaithe ar seachrán iad, d'fhág ar fán iad ar na sléibhte; d'imigh siad ó shliabh go cnoc ag ligean a mbáinseach féin i ndearmad.

7 Todos os que as acharam as devoraram; e os seus adversários diziam: Culpa nenhuma teremos; porque pecaram contra o SENHOR, a morada da justiça, e contra a esperança de seus pais, o SENHOR.

7Cibé duine a tháinig orthu, d'ith sé iad; dúirt a naimhde: 'Ní tógtha orainn é; mar gur pheacaigh siad in aghaidh an Tiarna a gcró caorach fíor agus dóchas a n-aithreacha.'

8 Fugi do meio da Babilônia e saí da terra dos caldeus; e sede como os bodes que vão adiante do rebanho.

8Éalaígí amach as an mBablóin, gabhaigí amach as críoch na gCaildéach. Imígí! Gníomhaigí mar na gabhair fhireanna; bígí i gceann na dtréad.

9 Porque eis que eu suscitarei e farei subir contra a Babilônia um conjunto de grandes nações da terra do Norte, e se porão em ordem de batalha contra ela; assim será tomada. As suas flechas serão como de destro guerreiro, nenhuma tornará sem efeito.

9Féach, táimse ag déanamh comhcheangail de náisiúin mhóra in aghaidh na Bablóine. Tiocfaidh siad ón tír thuaidh, cuirfidh iad féin in ordú ina héadan; tógfar i láimh ansin í; tá a saigheada amhail trodaire caithréimeach; ní fhilleann aon cheann acu go díomhaoin.

10 A Caldéia servirá de presa; todos os que a saquearem se fartarão, diz o SENHOR;

10Beidh Caildéa ina creach; gach aon a chreachfaidh í beidh sé sách.

11 ainda que vos alegrais e exultais, ó saqueadores da minha herança, saltais como bezerros na relva e rinchais como cavalos fogosos,

11Déanaigí lúcháir, más áil libh! Beirigí bhur gcaithréim, a chreachadóirí m'oidhreachta! Bígí ag aoibheall fearacht gamhna ar féarach! Déanaigí seitreach ar nós staile!

[12] será mui envergonhada vossa mãe, será confundida a que vos deu à luz; eis que ela será a última das nações, um deserto, uma terra seca e uma solidão.

[13] Por causa da indignação do SENHOR, não será habitada; antes, se tornará de todo deserta; qualquer que passar por Babilônia se espantará e assobiará por causa de todas as suas pragas.

[14] Ponde-vos em ordem de batalha em redor contra Babilônia, todos vós que manejais o arco; atirai-lhe, não poupeis as flechas; porque ela pecou contra o SENHOR.

[15] Gritai contra ela, rodeando-a; ela já se rendeu; caíram-lhe os baluartes, estão em terra os seus muros; pois esta é a vingança do SENHOR; vingai-vos dela; fazei-lhe a ela o que ela fez.

[16] Eliminai da Babilônia o que semeia e o que maneja a foice no tempo da sega; por causa da espada do opressor, virar-se-á cada um para o seu povo e cada um fugirá para a sua terra.

[17] Cordeiro desgarrado é Israel; os leões o afugentaram; primeiro, devorou-o o rei da Assíria, e, por fim, Nabucodonosor o desossou.

[18] Portanto, assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: Eis que castigarei o rei da Babilônia e a sua terra, como castiguei o rei da Assíria.

[19] Farei tornar Israel para a sua morada, e pastará no Carmelo e em Basã; fartar-se-á

[12]Ach tá náire shaolta ar bhur máthair, tá míchlú ar an mbean a rug sibh; tá sí ar an náisiún is lú anois; ina fásach, ina fearann loiscthe, ina díthreabh.

[13]Fágfaidh fíoch an Tiarna gan chónaí inti; déanfar fásach folamh di. Beidh uamhan ar an té a ghabhann thar an mBablóin; ligfidh sé fead iontais le méid na hanachaine.

[14]Cuirigí sibh féin in eagar in aghaidh na Bablóine, tagaigí timpeall uirthi, sibhse uile a shíneann an bogha. Caithigí! Ná coigligí saigheada.

[15]Ardaigí an gháir chatha ina héadan ó gach taobh di. Géilleann sí! titeann a dúnta! sceitheann a múrtha! Seo é díoltas an Tiarna. Déan díoltas uirthi! Roinn léi mar a roinn sise le daoine eile.

[16]Tóg ón mBablóin an síoladóir, agus fear an chorráin san fhómhar. Éalaígí ón gclaíomh millte, déanadh gach duine ar a dhaoine féin, teitheadh gach fear dá dhúiche féin.

[17]Ba chaora seachráin é Iosrael, agus na leoin sa tóir air. "Ar dtús, d'alp rí na Síre é; ansin chreim Nabúcadnazar rí na Bablóine a chnámha.

[18]Uime sin - mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael: Anois smachtóidh mise rí na Bablóine mar a smachtaigh mé rí na hAsaíre.

[19]Tabharfaidh mé Iosrael ar ais dá thalamh féaraigh; biafaidh sé ar Chairmeil

na região montanhosa de Efraim e em Gileade.

[20] Naqueles dias e naquele tempo, diz o SENHOR, buscar-se-á a iniqüidade de Israel, e já não haverá; os pecados de Judá, mas não se acharão; porque perdoarei aos remanescentes que eu deixar.

[21] Sobe, ó espada, contra a terra duplamente rebelde, sobe contra ela e contra os moradores da terra de castigo; assola irremissivelmente, destrói tudo após eles, diz o SENHOR, e faze segundo tudo o que te mandei.

[22] Há na terra estrondo de batalha e de grande destruição.

[23] Como está quebrado, feito em pedaços o martelo de toda a terra! Como se tornou a Babilônia objeto de espanto entre as nações!

[24] Lancei-te o laço, ó Babilônia, e foste presa, e não o soubeste; foste surpreendida e apanhada, porque contra o SENHOR te entremeteste.

[25] O SENHOR abriu o seu arsenal e tirou dele as armas da sua indignação; porque o SENHOR, o SENHOR dos Exércitos, tem obra a realizar na terra dos caldeus.

[26] Vinde contra ela de todos os confins da terra, abri os seus celeiros, fazei dela montões de ruínas, destruí-a de todo; dela nada fique de resto.

[27] Matai à espada a todos os seus touros, aos seus valentes; desçam eles para o

agus ar Bháiseán, gheobhaidh sé a sháith ar shléibhte Eafráim agus Ghileád.

[20]Sna laethanta sin agus san am sin, lorgfar éigeart Iosrael, ní bheidh sé ann, agus peacaí Iúdá, ní bheidh siad le fáil. Óir maithfidh mise don fhuíoll a fhágfaidh mé.

[21]Éirígí suas in aghaidh thír Mharataím, téigí ina héadan agus in éadan áitritheoirí Phacód; lorgaigí iad; beartaígí an claíomh; milltear iad go hiomlán - an Tiarna a labhraíonn. Déan an uile ní dár ordaigh mé duit.

[22]Tá torann catha ar fud na tíre, léirscrios millteach.

[23]Céard seo! Cé mar a briseadh i smidiríní ord buailte sin na talún uile? Céard seo! Cé mar a d'éirigh sé don Bhablóin a bheith ina huafás i measc na náisiún?

[24][Cuireadh] dol faoi do chomhair, agus gabhadh thú ar an uair nach raibh súil agat. Rugadh amuigh ort agus sáraíodh thú, mar gur thug tú dúshlán an Tiarna.

[25]D'oscail an Tiarna a armlann agus thug amach airm a dhíoltais. Óir tá obair le déanamh ag an Tiarna, Dia na Slua, i dtír na gCaildéach.

[26]Ionsaígí í, an t-iomlán agaibh le chéile; brisigí agus osclaigí a hiothlanna, cruinnígí an chreach mar charnáin arbhair. Cuirigí faoin mbang í. Ná fágtar aon ní di.

[27]Maraígí a daimh uile; síos leo go dtí an seamlas! Mairg dóibh, tá a lá tagtha, aimsir a gcuarta.

matadouro; ai deles! Pois é chegado o seu dia, o tempo do seu castigo.

[28] Ouve-se a voz dos que fugiram e escaparam da terra da Babilônia, para anunciarem em Sião a vingança do SENHOR, nosso Deus, a vingança do seu templo.

[29] Convocai contra Babilônia a multidão dos que manejam o arco; acampai-vos contra ela em redor, e ninguém escape. Retribuí-lhe segundo a sua obra; conforme tudo o que fez, assim fazei a ela; porque se houve arrogantemente contra o SENHOR, contra o Santo de Israel.

[30] Portanto, cairão os seus jovens nas suas praças, e todos os seus homens de guerra serão reduzidos a silêncio naquele dia, diz o SENHOR.

[31] Eis que eu sou contra ti, ó orgulhosa, diz o SENHOR, o SENHOR dos Exércitos; porque veio o teu dia, o tempo em que te hei de castigar.

[32] Então, tropeçará o soberbo, e cairá, e ninguém haverá que o levante; porei fogo às suas cidades, o qual consumirá todos os seus arredores.

[33] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Os filhos de Israel e os filhos de Judá sofrem opressão juntamente; todos os que os levaram cativos os retêm; recusam deixá-los ir;

[34] mas o seu Redentor é forte, SENHOR dos Exércitos é o seu nome; certamente,

[28]Éistigí! Tagann teifigh agus daoine ar a gcoimeád amach as tír na Bablóine, a fhoilsiú díoltas an Tiarna ár nDia i Síón."

Peaca an Uabhair

[29]"Gairigí i gceann a chéile na boghdóirí in aghaidh na Bablóine! Sibhse uile a shíneann an bogha suígí timpeall uirthi; ná bíodh aon dul as aici. Cúitígí léi de réir a saothair; déanaigí léi de réir gach ní dá ndearna sí; cúitígí léi as a bheith uaibhreach in aghaidh an Tiarna, in aghaidh Aon Naofa Iosrael.

[30]"Uime sin titfidh na hógánaigh léi ina sráideanna, agus éagfaidh a fir throda uile ar an lá sin - an Tiarna a labhraíonn.

[31]Is chugatsa atáim, a uaibhrigh! An Tiarna, Dia na Slua, a labhraíonn; tá do lá tagtha, aimsir do smachtaithe agamsa.

[32]Tuisleoidh an t-uaibhreach; titfidh sí; ní thógfaidh duine ar bith suas í; lasfaidh mé tine ina bailte; loiscfidh sí an uile ní ina timpeall."

Slánaitheoir Iosrael

[33]Is mar seo a deir Tiarna na Slua: "Tá clann mhac Iosrael faoi leatrom, na daoine uile a ghabh i láimh iad, coinnníonn siad go daingean iad, ní ligeann dóibh imeacht.

[34]Ach is láidir a slánaitheoir: Tiarna na Slua is ainm dó. Is é atá ag tagairt a gcúise;

pleiteará a causa deles, para aquietar a terra e inquietar os moradores da Babilônia.

35 A espada virá sobre os caldeus, diz o SENHOR, e sobre os moradores da Babilônia, sobre os seus príncipes, sobre os seus sábios.

36 A espada virá sobre os gabarolas, e ficarão insensatos; virá sobre os valentes dela, e ficarão aterrorizados.

37 A espada virá sobre os seus cavalos, e sobre os seus carros, e sobre todo o misto de gente que está no meio dela, e este será como mulheres; a espada virá sobre os tesouros dela, e serão saqueados.

38 A espada virá sobre as suas águas, e estas secarão; porque a terra é de imagens de escultura, e os seus moradores enlouquecem por estas coisas horríveis.

39 Por isso, as feras do deserto com os chacais habitarão em Babilônia; também os avestruzes habitarão nela, e nunca mais será povoada, nem habitada de geração em geração,

40 como quando Deus destruiu a Sodoma, e a Gomorra, e às suas cidades vizinhas, diz o SENHOR; assim, ninguém habitará ali, nem morará nela homem algum.

41 Eis que um povo vem do Norte; grande nação e muitos reis se levantarão dos confins da terra.

42 Armam-se de arco e de lança; eles são cruéis e não conhecem a compaixão; a voz

tabharfaidh sé síoth agus síocháin don talamh, ach cuirfidh eagla a gcroí ar mhuintir na Bablóine.

35Claíomh do na Caildéigh - an Tiarna a labhraíonn - do áitritheoirí na Bablóine, dá ceannairí agus dá saoithe!

36Claíomh dá fir asarlaíochta; nár fhágtar aon mheabhair acu! Claíomh dá fir chogaidh; go gcuirtear dá dtreoir iad! Claíomh dá heachra agus dá carbaid.

37Claíomh don slua uile eachtrannach atá ina lár; go mba cosúil le mná iad! Claíomh dá stór maoine; go n-ardaítear chun bóthair iad!

38[Triomach] dá foinsí; go dté siad i ndísc. Óir is í tír na n-íol í; tá siad ar buile, iad féin agus a gcuid íol.

39Uime sin déanfaidh cait fhiáine agus seacáil cónaí inti: beidh cónaí ag ostraisí inti. Ní áitreofar arís go brách í, ach leanfaidh sí folamh ó aois go haois.

40Díreach mar a scrios Dia Sodom agus Gomorá, mar aon leis na bailte comharsan - an Tiarna a labhraíonn - ní fhanfaidh duine ann níos mó, ní dhéanfaidh aon fhear cónaí inti arís go brách."

An Namhaid Aduaidh agus Leon na Iordáine

41"Anois tá cine ag teacht ón tuaisceart, cine mór ó chríocha imigéiniúla na talún tá ríthe ag gluaiseacht;

42troideann siad le bogha agus ga; tá siad cruálach, míthrócaireach; is cosúil a

deles é como o mar, que brama; montam cavalos, cada um posto em ordem de batalha contra ti, ó filha da Babilônia.

bhfuaim le búiríl na farraige tá siad ag marcaíocht ar eachra, tá gach fear acu in eagar catha i d'aghaidhse, a iníon na Bablóine.

[43] O rei da Babilônia ouviu a fama deles, e desfaleceram as suas mãos; a angústia se apoderou dele, e dores, como as da mulher que está de parto.

[43]Ach tá a scéala siúd cloiste ag rí na Bablóine; titeann a lámha go faonlag; rug doigh greim air, pian mar a bheadh ar bhean in íona.

[44] Eis que, como sobe o leãozinho da floresta jordânica contra o rebanho em pasto verde, assim, num momento, arrojá-la-ei dali e lá estabelecerei a quem eu escolher. Pois quem é semelhante a mim? Quem me pedirá contas? E quem é o pastor que me poderá resistir?

[44]Féach, cé mar a thagann an leon aníos as mothar na Iordáine chuig an féarach marthanach! Is mar sin a ruaigfidh mise go tobann iad, agus cuirfidh mé ann mo rogha duine. Óir cé is cosúil liom? Cé a fhéadann mise a chiontú? Ainmnigh dom an tréadaí a sheasfadh i m'éadan.

[45] Portanto, ouvi o conselho do SENHOR, que ele decretou contra Babilônia, e os desígnios que ele formou contra a terra dos caldeus; certamente, até os menores do rebanho serão arrastados, e as suas moradas, espantadas por causa deles.

[45]Mar sin éistigí le comhairle an Tiarna, atá socair aige in éadan na Bablóine, an plean atá beartaithe aige in éadan tír na gCaildéach: Sea, tógfar chun siúil fiú an té is laige den tréad. Ar a fheiceáil sin dóibh, beidh a dtréad ar ballchrith.

[46] Ao estrondo da tomada de Babilônia, estremeceu a terra; e o grito se ouviu entre as nações.

[46]Corrófar an talamh le torann gabháil na Bablóine, agus cluinfear a tuireamh i measc na náisiún.”

Jeremias 51

O poder e a queda da Babilônia

[1] Assim diz o SENHOR: Eis que levantarei um vento destruidor contra a Babilônia e contra os que habitam em Lebe-Camai.

[2] Enviarei padejadores contra a Babilônia, que a padejarão e despojarão a sua terra; porque virão contra ela em redor no dia da calamidade.

Irimia 51

Cothaíonn an Tiarna Cogadh in Éadan na Bablóine

[1]Is mar seo a deir an Tiarna: “In aghaidh Chaildéa dúiseoidh mé spiorad adhmhillte;

[2]Seolfaidh mé lucht cáite don Bhablóin; cáithfidh siad í agus fágfaidh a dúiche folamh; óir ionsóidh siad í ó gach taobh lá an bhasctha.

[3] O flecheiro arme o seu arco contra o que o faz com o seu e contra o que presume da sua couraça; não poupeis os seus jovens, destruí de todo o seu exército.

[3]Ná síneadh aon bhoghdóir a bhogha! Ná siúladh aor fhear go móiréiseach faoina chóta máilleach! - Ná tabhair anacal dá saighdiúirí óga! Maraígí tríothu agus tharstu, a slua uile!

[4] Caiam mortos na terra dos caldeus e atravessados pelas ruas!

[4]Titfidh na mairbh i gcríoch na gCaildéach, agus an lucht gonta ar na sráideanna.

[5] Porque Israel e Judá não enviuvaram do seu Deus, do SENHOR dos Exércitos; mas a terra dos caldeus está cheia de culpas perante o Santo de Israel.

[5]Ach níl Iosrael (ná Iúdá) tréigthe ag a nDia, Tiarna na Slua. Tharla seo mar go raibh tír na gCaildéach lán de pheacaí in aghaidh Aon Naofa Iosrael.

[6] Fugi do meio da Babilônia, e cada um salve a sua vida; não pereçais na sua maldade; porque é tempo da vingança do SENHOR: ele lhe dará a sua paga.

[6]Téigí amach as an mBablóin (sábháileadh an uile dhuine a anam); ná cailltear sibh féin ina tubaiste, óir is í seo uair dhíoltas an Tiarna. Tá sé ag cúiteamh a luaíochta léi.

[7] A Babilônia era um copo de ouro na mão do SENHOR, o qual embriagava a toda a terra; do seu vinho beberam as nações; por isso, enlouqueceram.

[7]Bhí an Bhablóin ina cupán órga i láimh an Tiarna; chuir sí an talamh uile ar meisce; d'ól na náisiúin cuid dá fíon agus d'imigh ansin le báiní.

[8] Repentinamente, caiu Babilônia e ficou arruinada; lamentai por ela, tomai bálsamo para a sua ferida; porventura, sarará.

[8]Thit an Bhablóin go tobann, tá sí briste; nuailligí ar a son! Téigí ar lorg íoca dá créachta; b'fhéidir go ndéanfaí í a leigheas!

[9] Queríamos curar Babilônia, ela, porém, não sarou; deixai-a, e cada um vá para a sua terra; porque o seu juízo chega até ao céu e se eleva até às mais altas nuvens.

[9]'Thugamar faoi leigheas na Bablóine; ach níor tháinig uirthi biseach. Ligigí di agus téanaimis, gach fear againn, dá thír féin.' Sea, sroicheann a breithiúnas go neamh; ardaítear é chun na spéartha.

[10] O SENHOR trouxe a nossa justiça à luz; vinde, e anunciemos em Sião a obra do SENHOR, nosso Deus.

[10]Dhearbhaigh an Tiarna ár bhfíréantacht. Tagaigí, foilsímis i Síón bearta an Tiarna ár nDia.

[11] Aguçai as flechas! Preparai os escudos! O SENHOR despertou o espírito dos reis

[11]Bioraigí na saigheada, líonaigí na bolgáin! "Mhúscail an Tiarna spiorad rí na

dos medos; porque o seu intento contra a Babilônia é para a destruir; pois esta é a vingança do SENHOR, a vingança do seu templo.

[12] Arvorai estandarte contra os muros de Babilônia, reforçai a guarda, colocai sentinelas, preparai emboscadas; porque o SENHOR intentou e fez o que tinha dito acerca dos moradores da Babilônia.

[13] Ó tu que habitas sobre muitas águas, rica de tesouros! Chegou o teu fim, a medida da tua avareza.

[14] Jurou o SENHOR dos Exércitos por si mesmo, dizendo: Encher-te-ei certamente de homens, como de gafanhotos, e eles cantarão sobre ti o eia! dos que pisam as uvas.

[15] Ele fez a terra pelo seu poder; estabeleceu o mundo por sua sabedoria e com a sua inteligência estendeu os céus.

[16] Fazendo ele ribombar o trovão, logo há tumulto de águas no céu, e sobem os vapores das extremidades da terra; ele cria os relâmpagos para a chuva e dos seus depósitos faz sair o vento.

[17] Todo homem se tornou estúpido e não tem saber; todo ourives é envergonhado pela imagem que esculpiu; pois as suas imagens são mentira, e nelas não há fôlego.

[18] Vaidade são, obra ridícula; no tempo do seu castigo, virão a perecer.

Méideach, óir tá plean aige in aghaidh na Bablóine, á milleadh; seo é díoltas an Tiarna, a chúiteamh mar gheall ar a Theampall.

[12]Taispeánaigí an bratach in aghaidh múrtha na Bablóine! Neartaigí an garda! cuirigí na fir faire ina láithreacha! Gléasaigí na luíocháin! Óir rinne an Tiarna beart, agus chaith sé le cathróirí na Bablóine faoi mar gheall sé.

[13]Tusa a shuíonn le hais mórán uiscí, agus a thaisceann stór agus maoin, tá do chríoch tagtha anois, agus deireadh do shladaireachta.

[14]Is dar é féin a mhionnaigh Tiarna na Slua: Dá mba é gur líon mé thú le fir mar na lócaistí ar a líonmhaire, thógfaí ina dhiaidh sin an gháir chatha i d'aghaidhse!

[15]Is é a rinne an talamh lena chumhacht; is é a dhaingnigh an chruinne lena eagna, agus a spréigh amach na flaithis lena ghrinneas.

[16]Nuair a dhéanann sé toirneach bíonn tormán uisce sna flaithis; tugann sé ar na néalta éirí ó chríocha na talún, déanann tintreach le haghaidh na fearthainne, agus tugann an ghaoth as a ionad taisce.

[17]Leis sin tagann ionadh agus alltacht ar gach n-aon; deargann gach órcheardaí mar gheall ar íola a lámh, óir is bréaga a chuid íol, gan puth anála iontu.

[18]Is náideanna iad, is díol gáire; nuair a thiocfaidh am a gcuarta, rachaidh siad as.

[19] Não é semelhante a estas aquele que é a Porção de Jacó; porque ele é o criador de todas as coisas, e Israel é a tribo da sua herança; SENHOR dos Exércitos é o seu nome.

[20] Tu, Babilônia, eras meu martelo e minhas armas de guerra; por meio de ti, despedacei nações e destruí reis;

[21] por meio de ti, despedacei o cavalo e o seu cavaleiro; despedacei o carro e o seu cocheiro;

[22] por meio de ti, despedacei o homem e a mulher, despedacei o velho e o moço, despedacei o jovem e a virgem;

[23] por meio de ti, despedacei o pastor e o seu rebanho, despedacei o lavrador e a sua junta de bois, despedacei governadores e vice-reis.

[24] Pagarei, ante os vossos próprios olhos, à Babilônia e a todos os moradores da Caldéia toda a maldade que fizeram em Sião, diz o SENHOR.

[25] Eis que sou contra ti, ó monte que destróis, diz o SENHOR, que destróis toda a terra; estenderei a mão contra ti, e te revolverei das rochas, e farei de ti um monte em chamas.

[26] De ti não se tirarão pedras, nem para o ângulo nem para fundamentos, porque te tornarás em desolação perpétua, diz o SENHOR.

[19]Ní cosúil leo siúd ‘Roinn Iacóib’, óir is é cruthaitheoir an uile ní é, agus is é Iosrael treibh a oidhreachta. Tiarna na Slua is ainm dó.”

Ord an Tiarna agus an Sliabh Millteach

[20]“Ba thú mo thua catha, mo arm cogaidh. Is leatsa a threascair mé na náisiúin, a leag mé na ríochtaí.

[21]Agus is leat a shín mé an t-each agus an marcach, an carbad agus an carbadóir;

[22]is leat a leag mé fear agus bean, óg agus aosta, an t-ógánach agus an cailín,

[23]is leat a bhris mé an t-aoire agus an tréad, an treabhadóir agus a sheisreach na huaisle agus na fir cheannais.

[24]“Ach foilseoidh mé duit conas a chúiteoidh mé leis an mBablóin agus le háitritheoirí uile Chaildéa gach olc dá ndearnadar do Shíón. Is é an Tiarna a labhraíonn.

[25]Is leatsa a dhéanaim achrann, a shliabh mhilltigh, - an Tiarna a labhraíonn - a mhilleann an talamh uile! Sínfidh mé amach mo lámh i d'aghaidh, agus tiomáinfidh mé anuas as na creaga thú agus déanfaidh mé sliabh loiscthe díot.

[26]Ní thógfaidh siad cloch choirnéil díot choíche, ná cloch bhunaidh ach an oiread, óir beidh tú i do fhásach go deo - an Tiarna a labhraíonn.”

Briseadh na Bablóine in aice Láimhe

[27] Arvorai estandarte na terra, tocai trombeta entre as nações, consagrai as nações contra ela, convocai contra ela os reinos de Ararate, Mini e Asquenaz; ordenai contra ela chefes, fazei subir cavalos como gafanhotos eriçados.

[28] Consagrai contra ela as nações, os reis dos medos, os seus governadores, todos os seus vice-reis e toda a terra do seu domínio.

[29] Estremece a terra e se contorce em dores, porque cada um dos desígnios do SENHOR está firme contra Babilônia, para fazer da terra da Babilônia uma desolação, sem que haja quem nela habite.

[30] Os valentes da Babilônia cessaram de pelejar, permanecem nas fortalezas, desfaleceu-lhes a força, tornaram-se como mulheres; estão em chamas as suas moradas, quebrados, os seus ferrolhos.

[31] Sai um correio ao encontro de outro correio, um mensageiro ao encontro de outro mensageiro, para anunciar ao rei da Babilônia que a sua cidade foi tomada de todos os lados;

[32] que os vaus estão ocupados, e as defesas, queimadas, e os homens de guerra, amedrontados.

[33] Porque assim diz o SENHOR dos Exércitos, o Deus de Israel: A filha da Babilônia é como a eira quando é aplanada e pisada; ainda um pouco, e o tempo da ceifa lhe virá.

[27]“Cuirigí an bratach ar foluain ar fud an domhain; séidigí an stoc i measc na náisiún, ullmhaígí na náisiúin ina haghaidh; gairigí ar na ríochtaí i gcionn a chéile ina héadan: Ararat, Minní, Aisceanáz; glaoigh rolla a naimhde, a cheannfoirt! Ordaígí don mharcshlua teacht suas, go colgach ar nós na lócaistí.

[28]Gríosaigí náisiúin chun cogaidh ina héadan; [rí] na Méide gona fhir cheannais, a thiarnaí agus na tíortha uile faoina réim.

[29]Tá an talamh á shuaitheadh agus é ar crith, mar bhí tionscnamh an Tiarna in aghaidh na Bablóine á chur i gcrích: a dhéanamh tír na Bablóine ina fásach gan daonra.

[30]Scoir saighdiúirí na Bablóine den troid; tá siad ag fanacht ina ndaingin d'fheall a neart orthu; tá siad amhail mná anois. Tá a tithe cónaithe trí thine, a geataí briste ó chéile.

[31]Tá teachtaire ar leanúint teachtaire, giolla sna sála ar ghiolla chun a rá le rí na Bablóine gur gabhadh a chathair ó gach taobh;

[32]go bhfuil seilbh ar na háthanna, agus tine leis na dúnta, go bhfuil scéin ar na fir throda in éineacht.

[33]Óir is mar seo a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael: Is cosúil iníon na Bablóine le hurlár buailte nuair a bhítear ag pasáil air; tamall beag, agus [luífidh an gráinne] a baineadh ansin.”

Díoltas an Tiarna

[34] Nabucodonosor, rei da Babilônia, nos devorou, esmagou-nos e fez de nós um objeto inútil; como monstro marinho, nos tragou, encheu a sua barriga das nossas comidas finas e nos arrojou fora.

[34]“D'ith sé mise, d'alp sé mé, rí sin na Bablóine[, Nabúcadnazar]; rinne sé soitheach folamh díom, shlog sé siar mé mar a dhéanfadh dragan, líon sé a bholg de mo shólaistí.”

[35] A violência que se me fez a mim e à minha carne caia sobre a Babilônia, diga a moradora de Sião; o meu sangue caia sobre os moradores da Caldéia, diga Jerusalém.

[35]“Go gcúitítear leis an mBablóin an foréigean a rinne sí ormsa agus gach ar fhulaing mé!” a deir muintir Shíón. “Agus mo fhuil ar mhuintir Chaldéa!” a deir Iarúsailéim.

[36] Pelo que assim diz o SENHOR: Eis que pleitearei a tua causa e te vingarei da vingança que se tomou contra ti; secarei o seu mar e farei que se esgote o seu manancial.

[36]Uime sin - is mar seo a deir an Tiarna: “Tagraímse féin do chúis le go ndéanfar díoltas dearfa ar do shon. Triomóidh mé a habhainn, fágfaidh mé a foinsí tirim.

[37] Babilônia se tornará em montões de ruínas, morada de chacais, objeto de espanto e assobio, e não haverá quem nela habite.

[37]Beidh an Bhablóin ina carnán cloch, ina háit chónaithe ag seacáil ina huafás agus ina scige, gan duine ná deoraí inti.

[38] Ainda que juntos rujam como leões e rosnem como cachorros de leões,

[38]Búireann siad le chéile ar nós leon, drantaíonn ar nós coileáin leoin.

[39] estando eles esganados, preparar-lhes-ei um banquete, embriagá-los-ei para que se regozijem e durmam sono eterno e não acordem, diz o SENHOR.

[39]An bhfuil fiabhras orthu? Ullmhóidh mise deoch dóibh agus tabharfaidh orthu a ól nó go dtiocfaidh orthu míogarnach agus codlóidh siad go síoraí, ní mhúsclóidh siad go deo - an Tiarna a labhraíonn.

[40] Fá-los-ei descer como cordeiros ao matadouro, como carneiros e bodes.

[40]Tabharfaidh mé anuas go dtí an seamlas iad, amhail uain chun a marfa, amhail reithí agus gabhair fhireanna.”

Marbhna ar son na Bablóine

[41] Como foi tomada Babilônia, e apanhada de surpresa, a glória de toda a terra! Como se tornou Babilônia objeto de espanto entre as nações!

[41]“Céard seo! Ar gabhadh agus ar briseadh í siúd a bhí i mbéal an tsaoil? Céard seo! An Bhablóin ina huafás i measc na náisiún?

[42] O mar é vindo sobre Babilônia, coberta está com o tumulto das suas ondas.

[43] Tornaram-se as suas cidades em desolação, terra seca e deserta, terra em que ninguém habita, nem passa por ela homem algum.

[44] Castigarei a Bel na Babilônia e farei que lance de sua boca o que havia tragado, e nunca mais concorrerão a ele as nações; também o muro de Babilônia caiu.

[45] Saí do meio dela, ó povo meu, e salve cada um a sua vida do brasume da ira do SENHOR.

[46] Não desfaleça o vosso coração, não temais o rumor que se há de ouvir na terra; pois virá num ano um rumor, noutro ano, outro rumor; haverá violência na terra, dominador contra dominador.

[47] Portanto, eis que vêm dias, em que castigarei as imagens de escultura da Babilônia, toda a sua terra será envergonhada, e todos os seus cairão traspassados no meio dela.

[48] Os céus, e a terra, e tudo quanto neles há jubilarão sobre Babilônia; porque do Norte lhe virão os destruidores, diz o SENHOR.

[49] Como Babilônia fez cair traspassados os de Israel, assim, em Babilônia, cairão traspassados os de toda a terra.

[42]Tháinig an fharraige aníos ar an mBablóin, téann sí faoi na tonnta tolgacha.

[43]Tá a bailte ina bhfásach, in a bhfearann loiscthe, ina ndíthreabh; ní chónaíonn duine iontu; ní thagann fear an bealach sin.”

Smachtú na nÍol

[44]“Smachtóidh mise Béil sa Bhablóin agus tógfaidh mé amach as a bhéal an ní a shlog sé. Ní bheidh na náisiúin a thuilleadh ag teacht chuige ina scuaine. Tá balla na Bablóine ar lár.

[45]A phobal liom, imígí amach aisti; saoradh gach duine agaibh a anam féin ó fhearg dhíscir an Tiarna

[46]Ach ná bígí go tromchroíoch! Ná scanraígí le gach scéal a bhíonn á reic ar fud na tíre: iomrá i mbliana, ceann eile an bhliain dár gcionn; tá foréigean in uachtar ar talamh agus cealaíonn tíoránach amháin tíoránach eile.

[47]Féach, tá na laethanta ag teacht a dtabharfaidh mise breithiúnas ar íola na Bablóine. Beidh náire shaolta ar a dúiche ar fad, agus a mairbh uile sínte ina lár.

[48]Ansin gairfidh neamh agus talamh agus gach a bhfuil iontu, le teann lúcháire mar gheall ar an mBablóin, óir tá na scriosadóirí ón tuaisceart ag teacht ina héadan - an Tiarna a labhraíonn.

[49]Ní mór don Bhablóin titim ar a seal, mar gheall orthu siúd a maraíodh in Iosrael, mar is tríd an mBablóin a thit an oiread sin marbh ar dhroim na talún.

[50] Vós que escapastes da espada, ide-vos, não pareis; de longe lembrai-vos do SENHOR, e suba Jerusalém à vossa mente.

[51] Direis: Envergonhados estamos, porque ouvimos opróbrio; vergonha cobriu-nos o rosto, porque vieram estrangeiros e entraram nos santuários da Casa do SENHOR.

[52] Portanto, eis que vêm dias, diz o SENHOR, em que castigarei as suas imagens de escultura; e gemerão os traspassados em toda a sua terra.

[53] Ainda que a Babilônia subisse aos céus e ainda que fortificasse no alto a sua fortaleza, de mim viriam destruidores contra ela, diz o SENHOR.

[54] De Babilônia se ouvem gritos, e da terra dos caldeus, o ruído de grande destruição;

[55] porque o SENHOR destrói Babilônia e faz perecer nela a sua grande voz; bramarão as ondas do inimigo como muitas águas, ouvir-se-á o tumulto da sua voz,

[56] porque o destruidor vem contra ela, contra Babilônia; os seus valentes estão presos, já estão quebrados os seus arcos; porque o SENHOR, Deus que dá a paga, certamente, lhe retribuirá.

[57] Embriagarei os seus príncipes, os seus sábios, os seus governadores, os seus vice-reis e os seus valentes; dormirão sono eterno e não acordarão, diz o Rei, cujo nome é SENHOR dos Exércitos.

[50]Sibhse a chuaigh slán ón gclaíomh, imígí romhaibh, ná fanaigí ansin. Cuimhnígí ar an Tiarna san imigéin, agus tagadh Iarúsailéim in bhur n-intinn.

[51]'Tugadh náire dúinn nuair a chualamar an scannal, d'fholaigh náire ár n-aighthe; mar ghabh eachtrannaigh isteach i sanctóir Theampall an Tiarna.'

[52]Féach, tá na laethanta ag teacht - an Tiarna a labhraíonn - a ndéanfaidh mise breithiúnas ar a híola, agus beidh an créachtach ag cneadach ar fud a críoch.

[53]Dá mba ea go n-éireodh an Bhablóin suas chun neimhe, nó dá neartódh sí a dúnfort buacach, ina dhiaidh sin is uile thiocfadh scriosadóirí ar m'ordú anuas uirthi - an Tiarna a labhraíonn.

[54]Éistigí le héamh ón mBablóin, agus tormán millteach ó thír na gCaildéach!

[55]Is é an Tiarna é ag scriosadh na Bablóine, ag sochtadh a gleo urghránna; ní miste di búirthíl a tonnta amhail uiscí móra agus fuaimneach a ngutha i bhfad.

[56]Óir tá scriosadóir ag teacht de ruathar ar an mBablóin, tá a fir throda gafa, tá a mboghanna briste. Sea, is é an Tiarna Dia na luaíochta; cúitíonn sé go hiomlán."

Scrios na Bablóine

[57]"Tabharfaidh mé ar a huaisle agus ar a saoithe ól, ar a rialtóirí a feidhmeannaigh agus ar a fir troda; titfidh codladh síoraí orthu agus ní mhúsclóidh siad, a deir an rí, darb ainm Tiarna na Slua."

[58] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Os largos muros de Babilônia totalmente serão derribados, e as suas altas portas serão abrasadas pelo fogo; assim, trabalharam os povos em vão, e para o fogo se afadigaram as nações.

[59] Palavra que mandou Jeremias, o profeta, a Seraías, filho de Nerias, filho de Maaséias, indo este com Zedequias, rei de Judá, à Babilônia, no ano quarto do seu reinado. Seraías era o camareiro-mor.

[60] Escreveu, pois, Jeremias num livro todo o mal que havia de vir sobre a Babilônia, a saber, todas as palavras já escritas contra a Babilônia.

[61] Disse Jeremias a Seraías: Quando chegares a Babilônia, vê que leias em voz alta todas estas palavras.

[62] E dirás: Ó SENHOR! Falaste a respeito deste lugar que o exterminarias, a fim de que nada fique nele, nem homem nem animal, e que se tornaria em perpétuas assolações.

[63] Quando acabares de ler o livro, atá-lo-ás a uma pedra e o lançarás no meio do Eufrates;

[64] e dirás: Assim será afundada a Babilônia e não se levantará, por causa do mal que eu hei de trazer sobre ela; e os seus moradores sucumbirão. Até aqui as palavras de Jeremias.

Jeremias 52

A queda de Jerusalém e o cativeiro de Judá

2 Reis 24.18—25.22; 2 Crônicas 36.10-21; Jeremias 39.1-10

[58]Is mar seo a deir Tiarna na Slua: "Leagfar go talamh ballaí leathana na Bablóine, agus loiscfear le tine a geataí arda. Is saothar in aisce mar sin saothar na gciníocha is í an tine is deireadh do thiaráil na náisiún."

[59]Seo mar a d'ordaigh Irimia fáidh do Sharáiá mac Mhásaeiá nuair a d'imigh seisean don Bhablóin ar ordú Zidicíá rí Iúdá sa cheathrú bliain dá réimeas.

[60]Anois bhí scríofa i leabhar faoi leith ag Irimia an tubaiste iomlán a thiocfadh ar an mBablóin, na briathra uile atá scríofa anseo i dtaobh na Bablóine.

[61]Dúirt Irimia mar sin le Saráiá: "Nuair a thiocfaidh tú don Bhablóin, déan cinnte de go léifidh tú amach na briathra seo go léir.

[62]Ansin déarfaidh tú: 'A Thiarna, tá sé fógraithe agat féin go scriosfar an áit seo, nach ndéanfar cónaí arís ann, ag duine ná ag ainmhí, ach go mbeidh sé ina fhásach go brách.'

[63]Nuair a bheidh an leabhar seo léite agat as ceann a chéile, ceanglóidh tú cloch de agus teilgfidh tú i lár an Eofrataes é,

[64]á rá: 'Is mar seo a rachaidh an Bhablóin in íochtar, agus ní éireoidh sí choíche ón olc a thabharfaidh mise uirthi.' " Deireadh anseo le briathra Irimia.

Irimia 52

Aguisín

Athaithris ar Ghabháil Iarúsailéim

[1] Tinha Zedequias a idade de vinte e um anos, quando começou a reinar e reinou onze anos em Jerusalém. Sua mãe se chamava Hamutal e era filha de Jeremias, de Libna.

[1]Bhí Zidicíá bliain agus fiche d'aois an t-am a tháinig sé i gcoróin, agus rialaigh sé aon bhliain déag in Iarúsailéim. Ba é ainm a mháthar Hamútal, iníon Irimia, ó Libneá.

[2] Fez ele o que era mau perante o SENHOR, conforme tudo quanto fizera Jeoaquim.

[2]Rinne sé an ní ab olc i súile an Tiarna díreach mar a rinne Iahóiácaím roimhe.

[3] Assim sucedeu por causa da ira do SENHOR contra Jerusalém e contra Judá, a ponto de os rejeitar de sua presença; Zedequias rebelou-se contra o rei da Babilônia.

[3]Is trí fhearg an Tiarna a tharla sé seo in Iarúsailéim agus in Iúdá, gur theilg sé uaidh iad faoi dheireadh. D'éirigh Zidicíá amach in aghaidh rí na Bablóine.

[4] Sucedeu que, em o nono ano do reinado de Zedequias, aos dez dias do décimo mês, Nabucodonosor, rei da Babilônia, veio contra Jerusalém, ele e todo o seu exército, e se acamparam contra ela, e levantaram contra ela tranqueiras em redor.

[4]Sa naoú bliain dá réimeas, sa deichiú mí ar an deichiú lá den mhí tháinig Nabúcadnazar rí na Bablóine, é féin agus a shlua uile, chun ionsaí a dhéanamh ar Iarúsailéim; shuigh sé a champa ina haghaidh agus thóg crémhótaí ina timpeall.

[5] A cidade ficou sitiada até ao undécimo ano do rei Zedequias.

[5]Bhí an chathair faoi léigear go dtí an t-aonú bliain déag de réimeas Zidicíá.

[6] Aos nove dias do quarto mês, quando a cidade se via apertada da fome, e não havia pão para o povo da terra,

[6]Sa cheathrú mí, ar an naoú lá den mhí, nuair a bhí gorta ag réabadh roimhe sa chathair, agus gan bia ar bith ann don phobal,

[7] então, a cidade foi arrombada, e todos os homens de guerra fugiram e saíram de noite pelo caminho da porta que está entre os dois muros perto do jardim do rei, a despeito de os caldeus se acharem contra a cidade em redor; e se foram pelo caminho da campina.

[7]rinneadh bearna i mballa na cathrach. Láithreach bonn theith an lucht troda uile amach faoi choim na hoíche as an gcathair tríd an ngeata idir an dá bhalla atá in aice ghairdín an rí - mar bhí na Caildéigh ar gach taobh den chathair - agus rinne siad a mbealach ionsar an Arabá.

[8] Porém o exército dos caldeus perseguiu o rei Zedequias e o alcançou nas campinas

[8]Lean na saighdiúirí Caildéacha an rí agus nuair a tháinig siad suas le Zidicíá ar

de Jericó; e todo o exército deste se dispersou e o abandonou.

[9] Então, o tomaram preso e o fizeram subir ao rei da Babilônia, a Ribla, na terra de Hamate, e este lhe pronunciou a sentença.

[10] Matou o rei da Babilônia os filhos de Zedequias à sua própria vista, bem assim todos os príncipes de Judá, em Ribla.

[11] Vazou os olhos de Zedequias, atou-o com duas cadeias de bronze, levou-o à Babilônia e o conservou no cárcere até ao dia da sua morte.

[12] No décimo dia do quinto mês, do ano décimo nono de Nabucodonosor, rei da Babilônia, Nebuzaradã, o chefe da guarda e servidor do rei da Babilônia, veio a Jerusalém.

[13] E queimou a Casa do SENHOR e a casa do rei, como também todas as casas de Jerusalém; também entregou às chamas todos os edifícios importantes.

[14] Todo o exército dos caldeus que estava com o chefe da guarda derribou todos os muros em redor de Jerusalém.

[15] Dos mais pobres do povo, o mais do povo que havia ficado na cidade, os desertores que se entregaram ao rei da Babilônia e o mais da multidão Nebuzaradã, o chefe da guarda, levou cativos.

[16] Porém dos mais pobres da terra deixou Nebuzaradã, o chefe da guarda, ficar alguns para vinheiros e para lavradores.

mhánna Ireachó, thréig a chuid saighdiúirí féin go léir é.

[9]Ghabh siad an rí agus thug siad os comhair rí na Bablóine i Ribleá é i dtír Hamát, agus thug seisean breith air.

[10]Chuir rí na Bablóine mic Zidicíá chun báis os a chomhair agus mharaigh flatha uile Iúdá i Ribleá;

[11]ansin bhain na súile as Zidicíá féin agus rug rí na Bablóine leis chun na Bablóine é agus chuir i bpríosún é go lá a bháis.

[12]Sa chúigiú mí ar an deichiú lá den mhí - ba í an naoú bliain déag í de réimeas Nabúcadnazar rí na Bablóine - tháinig Nabúzaradán, captaen an gharda, oifigeach de chuid rí na Bablóine, isteach in Iarúsailéim.

[13]Loisc sé Teampall an Tiarna, pálás an rí agus na tithe go léir a bhí in Iarúsailéim, níor fhág sé teach mór gan cur trí thine.

[14]Scrios na saighdiúirí Caildéacha go léir a bhí i dteannta chaptaen an gharda na ballaí go léir a bhí thart ar Iarúsailéim.

[15]Dhíbir Nabúzaradán, captaen an gharda, (an chuid is boichte den phobal agus) an mhuintir a bhí fágtha sa chathair agus na tréigtheoirí a bhí i ndiaidh taobhú le rí na Bablóine agus fuíoll na gceardaithe oilte.

[16]D'fhág captaen an gharda cuid de bhochtáin na tuaithe chun bheith ag treabhadh agus ag saothrú na bhfíonghort.

[17] Os caldeus cortaram em pedaços as colunas de bronze que estavam na Casa do SENHOR, como também os suportes e o mar de bronze que estavam na Casa do SENHOR; e levaram todo o bronze para a Babilônia.

[17]Bhris na Caildéigh ina smidiríní na colúin chré-umha i dTeampall an Tiarna; na seastáin agus an mhuir chré-umha a bhí i dTeampall an Tiarna, agus thug siad an cré-umha go léir leo go dtí an Bhablóin.

[18] Levaram também as panelas, as pás, as espevitadeiras, as bacias, os recipientes de incenso e todos os utensílios de bronze, com que se ministrava.

[18]Thug siad leo chomh maith na miasa, na sluaistí, na sceana, na scálaí spréite, na loingíní túise, na fearais chré-umha go léir a d'usáidtí i seirbhís an Teampaill.

[19] Tomou também o chefe da guarda os copos, os braseiros, as bacias, as panelas, os candeeiros, os recipientes de incenso e as taças, tudo quanto fosse de ouro ou de prata.

[19]Thug captaen an gharda leis chomh maith na túisteáin, na babhlaí spréite, na luaithreáin, na cuacha, agus na fochupáin; a raibh déanta d'ór mar ór, agus a raibh déanta d'airgead mar airgead.

[20] Quanto às duas colunas, ao mar e aos suportes que Salomão fizera para a Casa do SENHOR, o peso do bronze de todos estes utensílios era incalculável.

[20]Maidir leis an dá cholún, [an t-aon mhuir] an dá tharbh déag cré-umha faoin muir, agus na seastáin, a rinne Solamh rí do Theampall an Tiarna, níorbh fhéidir a raibh de chré-umha iontu go léir a thomhas.

[21] Quanto às colunas, a altura de uma era de dezoito côvados, um cordão de doze côvados a cercava, e a grossura era de quatro dedos; era oca.

[21]Bhí aon cholún amháin ocht mbanlámh déag ar airde, dhá bhanlámh dhéag ina thimpeall; bhí sé ceithre orlach ar thiús, agus é folamh.

[22] Sobre ela havia um capitel de bronze; a altura de cada um era de cinco côvados; a obra de rede e as romãs sobre o capitel ao redor eram de bronze.

[22]Bhí mullach cré-umha air; cúig bhanlámh airde an mhullaigh; timpeall an mhullaigh bhí fíolagrán agus pomagránaití, agus iad go léir de chré-umha. Ba é an scéal céanna é ag an dara colún lena phomagránaití.

[23] Semelhante a esta era a outra coluna com as romãs. Havia noventa e seis romãs aos lados; as romãs todas sobre a obra de rede ao redor eram cem.

[23]Bhí nócha sé pomagránait ar sileadh anuas, ag déanamh céad pomagránait ar fad timpeall ar an bhfíolagrán.

[24] Levou também o chefe da guarda a Seraías, sumo sacerdote, e a Sofonias, segundo sacerdote, e aos três guardas da porta.

[25] Da cidade tomou a um oficial, que era comandante das tropas de guerra, e a sete homens dos que eram conselheiros pessoais do rei e se achavam na cidade, como também ao escrivão-mor do exército, que alistava o povo da terra, e a sessenta homens do povo do lugar, que se achavam na cidade.

[26] Tomando-os Nebuzaradã, o chefe da guarda, levou-os ao rei da Babilônia, a Ribla.

[27] O rei da Babilônia os feriu e os matou em Ribla, na terra de Hamate.

[28] Assim, Judá foi levado cativo para fora de sua terra. Este é o povo que Nabucodonosor levou para o exílio: no sétimo ano, três mil e vinte e três judeus;

[29] no ano décimo oitavo de Nabucodonosor, levou ele cativas de Jerusalém oitocentas e trinta e duas pessoas;

[30] no ano vigésimo terceiro de Nabucodonosor, Nebuzaradã, o chefe da guarda, levou cativas, dentre os judeus, setecentas e quarenta e cinco pessoas; todas as pessoas são quatro mil e seiscentas.

Libertado e honrado o rei Joaquim

2 Reis 25.27-30

[31] No trigésimo sétimo ano do cativeiro de Joaquim, rei de Judá, no dia vinte e cinco

[24]Ghabh captaen an gharda Saráiá an t-ardsagart, agus Zafainiá an sagart den dara grád, agus trí gharda na tairsí.

[25]Ghabh sé sa chathair coillteán a bhí i gceannas na saighdiúirí, seachtar de chomhairle an rí a fuarthas sa chathair, rúnaí cheann feadhna an airm a bhí i bhfeighil ar arm a thionól faoin tír, agus trí fichid de mhaithe na tíre a fuarthas sa chathair.

[26]Thug Nabúzaradán, captaen an gharda, iad sin leis agus thug iad chun rí na Bablóine i Ribleá.

[27]Chuir rí na Bablóine chun báis iad i Ribleá, i dtír Hamát. Rinneadh Iúdá a dhíbirt óna thír féin ar an gcuma sin.

[28]Mar seo leanas uimhir na ndaoine a díbríodh ag Nabúcadnazar thar tír amach: sa seachtú bliain, trí mhíle Giúdach agus triúr ar fhichid;

[29]san ochtú bliain déag de réimeas Nabúcadnazar, rug sé leis as Iarúsailéim ocht gcéad tríocha a dó duine;

[30]sa tríú bliain fichead de réimeas Nabúcadnazar, rug Nabúzaradán, ceann an gharda, leis i láimh de na Giúdaigh seacht gcéad agus cúigear is daichead. Ceithre mhíle agus sé chéad, an uimhir ar fad.

[31]Sa seachtú bliain tríochad de dheoraíocht Iahóiácaím rí Iúdá, sa dara mí

do duodécimo mês, Evil-Merodaque, rei da Babilônia, no ano em que começou a reinar, libertou a Joaquim, rei de Judá, e o fez sair do cárcere.

déag, ar an gcúigiú lá fichead den mhí rinne Eivíl Marodac rí na Bablóine, an bhliain a tháinig sé i gcoróin, pardún fial a thabhairt do Iahóiácaím rí Iúdá agus scaoil sé ón bpríosún é.

[32] Falou com ele benignamente e lhe deu lugar de mais honra do que o dos reis que estavam consigo em Babilônia.

[32]Bhí sé lách cneasta leis agus thug cathaoir dó a bhí os cionn cathaoireacha na ríthe eile a bhí in éineacht leis sa Bhablóin.

[33] Mudou-lhe as vestes do cárcere, e Joaquim passou a comer pão na sua presença, todos os dias da sua vida.

[33]Chuir Iahóiácaím a éide phríosúin i leataobh agus gach lá dá shaol chaith sé bia go rialta ag bord an rí.

[34] E da parte do rei da Babilônia lhe foi dada subsistência vitalícia, uma pensão diária, até ao dia da sua morte, durante os dias da sua vida.

[34]Agus thug an rí liúntas rialta dó lena chothú, lá i ndiaidh an lae, ar feadh a shaoil fad a mhair sé.

Lamentações 1

Jerusalém destruída e desolada

[1] Como jaz solitária a cidade outrora populosa! Tornou-se como viúva a que foi grande entre as nações; princesa entre as províncias, ficou sujeita a trabalhos forçados!

[2] Chora e chora de noite, e as suas lágrimas lhe correm pelas faces; não tem quem a console entre todos os que a amavam; todos os seus amigos procederam perfidamente contra ela, tornaram-se seus inimigos.

[3] Judá foi levado ao exílio, afligido e sob grande servidão; habita entre as nações, não acha descanso; todos os seus perseguidores o apanharam nas suas angústias.

[4] Os caminhos de Sião estão de luto, porque não há quem venha à reunião solene; todas as suas portas estão desoladas; os seus sacerdotes gemem; as suas virgens estão tristes, e ela mesma se acha em amargura.

[5] Os seus adversários triunfam, os seus inimigos prosperam; porque o SENHOR a afligiu, por causa da multidão das suas prevaricações; os seus filhinhos tiveram de ir para o exílio, na frente do adversário.

[6] Da filha de Sião já se passou todo o esplendor; os seus príncipes ficaram sendo como corços que não acham pasto e

Leabhar na n-Olagón 1

Pianpháis na Cathrach Tréigthe

[1]Ochón! An chathair a bhíodh plúchta le daoine, maireann sí léi féin ar an uaigneas; is cosúil le baintreach anois í siúd ar mhór ab fhiú í i measc na náisiún; banphrionsa i measc na gcúigí ab ea í ach is daorstát í faoi láthair.

[2]Bíonn sí ag gol go géar goirt san oíche; bíonn a gruanna báite le caisí deor; níl aon sólásaí ar bith aici i measc a cuid leannán; d'fheall a cairde go léir uirthi; is naimhde di iad anois.

[3]D'imigh Iúdá léi ar deoraíocht chun angar agus daoirse a sheachaint; cónaíonn sí i measc na náisiún ach ní bhfaigheann sí ionad suaimhnis ann; óir, tá an tóir tar éis teacht suas léi mar a bhfuil sí i gcúngrach mór.

[4]Tá bóithre Shíón ag caoi mar ní thaithítear a hionad teagmhála; tá a geataí uile bánaithe agus déanann a sagairt osnaíl; bíonn a maighdeana go léir á gcrá. Ó nach goirt é an seirfean atá uirthi!

[5]Ag a naimhde atá an ceannas; tá a heascairde uile faoi rath; óir tá an Tiarna tar éis í a chiapadh de dheasca oll-líon a peacaí; tá a leanaí imithe ina gcimí os comhair a namhad amach.

[6]Tá a mórgacht uile leáite ó iníon Shíón; ba chosúil a flatha le fianna nach raibh féarach acu níos mó; bhíodh siad ar a

caminham exaustos na frente do perseguidor.

[7] Agora, nos dias da sua aflição e do seu desterro, lembra-se Jerusalém de todas as suas mais estimadas coisas, que tivera dos tempos antigos; de como o seu povo caíra nas mãos do adversário, não tendo ela quem a socorresse; e de como os adversários a viram e fizeram escárnio da sua queda.

[8] Jerusalém pecou gravemente; por isso, se tornou repugnante; todos os que a honravam a desprezam, porque lhe viram a nudez; ela também geme e se retira envergonhada.

[9] A sua imundícia está nas suas saias; ela não pensava no seu fim; por isso, caiu de modo espantoso e não tem quem a console. Vê, SENHOR, a minha aflição, porque o inimigo se torna insolente.

[10] Estendeu o adversário a mão a todas as coisas mais estimadas dela; pois ela viu entrar as nações no seu santuário, acerca das quais proibiste que entrassem na tua congregação.

[11] Todo o seu povo anda gemendo e à procura de pão; deram eles as suas coisas mais estimadas a troco de mantimento para restaurar as forças; vê, SENHOR, e contempla, pois me tornei desprezível.

[12] Não vos comove isto, a todos vós que passais pelo caminho? Considerai e vede se há dor igual à minha, que veio sobre

dteitheadh go lagbhríoch roimh an tóir a cuireadh orthu.

[7]Is cuimhin le Iarúsailéim anois a laethanta angair agus fáin, nuair a thit a muintir lena naimhde agus gan cabhróir dá laghad acu. Bhíodh a heascairde ag baint lán na súl aisti; ábhar scige dóibh ab ea a turnamh.

[8]Pheacaigh Iarúsailéim go trom; dá dheasca sin is neamhghlan í anois; an dream a thugadh gradam di, maslaíonn siad í; óir, chonaic siad lomnocht í; ach bíonn sise ag caoineadh de shíor agus tugann sí a cúl leo.

[9]Tá a salachar féin ar a sciortaí; níor mhachnaigh sí riamh ar a raibh i ndán dí; ó nach tubaisteach é a turnamh! Níl sólásaí ar bith aici. “Féach, a Thiarna, ar m'ainnise; is ag mo naimhde atá an bua.”

[10]Shín a heascairde a lámha amach chun a maoinese go léir; chonaic sise na náisiúin ag réabadh isteach ina sanctóir - an dream ar chros tú féin orthu do chomhthionól a thaithí.

[11]Bíonn a muintir uile ag éamh agus arán á lorg acu; malartaíonn siad a n-iarmhais ar bhia chun iad féin a neartú arís. “Féach, a Thiarna, agus breathnaigh ar an drochmheas a chaitear orm.

[12]Sibhse uile a thriallann thar bráid, breathnaígí agus féachaigí an bhfuil aon bhrón mar mo bhrónsa - mar an gcumha atá ag criathairt mo chroí, a chuir an

mim, com que o SENHOR me afligiu no dia do furor da sua ira.

[13] Lá do alto enviou fogo a meus ossos, o qual se assenhoreou deles; estendeu uma rede aos meus pés, arrojou-me para trás, fez-me assolada e enferma todo o dia.

[14] O jugo das minhas transgressões está atado pela sua mão; elas estão entretecidas, subiram sobre o meu pescoço, e ele abateu a minha força; entregou-me o SENHOR nas mãos daqueles contra os quais não posso resistir.

[15] O SENHOR dispersou todos os valentes que estavam comigo; apregoou contra mim um ajuntamento, para esmagar os meus jovens; o SENHOR pisou, como num lagar, a virgem filha de Judá.

[16] Por estas coisas, choro eu; os meus olhos, os meus olhos se desfazem em águas; porque se afastou de mim o consolador que devia restaurar as minhas forças; os meus filhos estão desolados, porque prevaleceu o inimigo.

[17] Estende Sião as mãos, e não há quem a console; ordenou o SENHOR acerca de Jacó que os seus vizinhos se tornem seus inimigos; Jerusalém é para eles como coisa imunda.

[18] Justo é o SENHOR, pois me rebelei contra a sua palavra; ouvi todos os povos e vede a minha dor; as minhas virgens e os meus jovens foram levados para o cativeiro.

Tiarna féin orm, ar lá a dhíbheirge fíochmhaire.

[13]Ón aird thuas chuir sé tine isteach i mo chnámha a rug greim daingean orthu go léir; leath sé líon do mo chosa agus thug orm casadh ar ais; d'fhág sé go tréigthe mé agus mé go dona tinn ó lá go lá.

[14]Tá mo chionta ceangailte ina gcuing; fíodh le chéile iad ina lámhasan agus ardaíodh iad ar mo mhuineál; eisean ba chúis le lagú mo nirt; thug an Tiarna ar láimh dóibh mé sa chaoi nach dtig liom fanacht i mo sheasamh.

[15]Na gaiscígh uile a bhíodh agam, tá an Tiarna tar éis iad a shéanadh; thug sé slua le chéile i m'aghaidh chun mo chuid ógánach a chloí; tá an Tiarna tar éis satailt sa chantaoir ar iníon fhíorógh Iúdá.

[16]Sin an fáth a mbím ag caoi agus ag sileadh na súl go fuíoch Óir, is fada uaim aon sólásaí a mhúsclódh mo mheanma arís. Tá mo chlann mhac treascartha tréigthe mar is é an namhaid a rug an bua.

[17]Leathann Síón a lámha amach; níl sólásaí ar bith aici; thug an Tiarna ordú in aghaidh Iacóib a chomharsana a bheith naimhdeach dó; rud éigin neamhghlan ina measc is ea Iarúsailéim.

[18]Is cothrom cóir é an Tiarna; ach bhí mise easumhal dá ordú; éistigí, mar sin, a chiníocha uile, agus breathnaígí ar m'ainnise; tá mo mhaighdeana agus m'ógánaigh imithe uaim i mbraighdeanas.

[19] Chamei os meus amigos, mas eles me enganaram; os meus sacerdotes e os meus anciãos expiraram na cidade, quando estavam à procura de mantimento para restaurarem as suas forças.

[20] Olha, SENHOR, porque estou angustiada; turbada está a minha alma, o meu coração, transtornado dentro de mim, porque gravemente me rebelei; fora, a espada mata os filhos; em casa, anda a morte.

[21] Ouvem que eu suspiro, mas não tenho quem me console; todos os meus inimigos que souberam do meu mal folgam, porque tu o fizeste; mas, em trazendo tu o dia que apregoaste, serão semelhantes a mim.

[22] Venha toda a sua iniqüidade à tua presença, e faze-lhes como me fizeste a mim por causa de todas as minhas prevaricações; porque os meus gemidos são muitos, e o meu coração está desfalecido.

Lamentações 2

As tristezas de Sião provêm do Senhor

[1] Como o SENHOR cobriu de nuvens, na sua ira, a filha de Sião! Precipitou do céu à terra a glória de Israel e não se lembrou do estrado de seus pés, no dia da sua ira.

[2] Devorou o SENHOR todas as moradas de Jacó e não se apiedou; derribou no seu furor as fortalezas da filha de Judá; lançou por terra e profanou o reino e os seus príncipes.

[19]Ghlaoigh mé ar mo chuid leannán; ach chlis siad go léir orm; mo shagairt agus mo sheanóirí uile, díothaíodh iadsan sa chathair, nuair a bhí siad ag cuardach bia chun iad féin a neartú arís.

[20]Féach, a Thiarna, is mise atá go hainnis; tá a bhfuil istigh ionam corraithe cráite; tá mo chroí á shníomh i m'ucht mar ba mhór ar fad m'easumhlaíocht; tá an claíomh ag dísciú mo chlainne lasmuigh agus tá an Bás i réim laistigh.

[21][Éist] le mo chuid osnaíola; níl aon sólásaí ar bith agam; chuir scéala m'anó áthas ar mo naimhde uile; ar ndóigh ba thusa ba bhun leis go léir; luathaigh an lá atá fógartha agat, nuair a bheidh siadsan mar a bhfuilimse anois.

[22]An mhailís go léir a rinne siad, go gcuirtear ar do shúile duit í; caith leo mar a chaith tú liomsa de dheasca mo chionta uile; óir, is iomaí osna atá á ligean agam agus tá mo chroí go tréithlag fann."

Leabhar na n-Olagón 2

Is é an Tiarna a Smachtaigh Thú; Déan Aithrí

[1]Ochón! Tá an Tiarna tar éis duibhe a chur ar iníon Shíón le corp cuthaigh; theilg sé ó neamh go talamh áilleacht Iosrael; níor chuimhin leis stóilín a chos ar lá a chuid díbheirge.

[2]Scrios an Tiarna go neamhthrócaireach áitribh uile Iacóib; chreach sé go fíochmhar feargach dúnta iníon Iúdá; leag sé ar lár agus thruailligh sé an ríocht agus a flatha.

[3] No furor da sua ira, cortou toda a força de Israel; retirou a sua destra de diante do inimigo; e ardeu contra Jacó, como labareda de fogo que tudo consome em redor.

[4] Entesou o seu arco, qual inimigo; firmou a sua destra, como adversário, e destruiu tudo o que era formoso à vista; derramou o seu furor, como fogo, na tenda da filha de Sião.

[5] Tornou-se o SENHOR como inimigo, devorando Israel; devorou todos os seus palácios, destruiu as suas fortalezas e multiplicou na filha de Judá o pranto e a lamentação.

[6] Demoliu com violência o seu tabernáculo, como se fosse uma horta; destruiu o lugar da sua congregação; o SENHOR, em Sião, pôs em esquecimento as festas e o sábado e, na indignação da sua ira, rejeitou com desprezo o rei e o sacerdote.

[7] Rejeitou o SENHOR o seu altar e detestou o seu santuário; entregou nas mãos do inimigo os muros dos seus castelos; deram gritos na Casa do SENHOR, como em dia de festa.

[8] Intentou o SENHOR destruir o muro da filha de Sião; estendeu o cordel e não retirou a sua mão destruidora; fez gemer o antemuro e o muro; eles estão juntamente enfraquecidos.

[9] As suas portas caíram por terra; ele quebrou e despedaçou os seus ferrolhos; o

[3]Bhasc sé le fraoch feirge cumhacht uile Iosrael; níor thug sé tacaíocht a dheasláimhe in aghaidh an namhad; las sé suas in Iacób mar chraos tine a d'ídigh a raibh ina thimpeall.

[4]Theann sé a bhogha mar namhaid agus dhaingnigh sé a dheaslámh mar eascara; rinne sé ár orthu siúd ar lán a shúl iad tráth; lig sé a racht amach mar thine ar bhoth iníon Shíón.

[5]D'iompair an Tiarna é féin mar namhaid; rinne sé Iosrael a mhilleadh; scartáil sé a caisleáin go léir; leag sé a dúnta daingne; mhéadaigh sé an éagaoin agus an t-éagnach a bhí á ndéanamh ag iníon Iúdá.

[6]Scrios sé an gairdín agus a bhoth; chreach sé a ionad teagmhála; i Síón chuir an Tiarna ar ceal an tionól féiliúil agus an tsabóid; le racht cuthaigh thug sé droim láimhe don rí agus don sagart araon.

[7]Rinne an Tiarna a bheag dá altóir; ghlac sé fuath dá shanctóir; chuir sé ballaí a caisleán i seilbh a naimhde nimhneacha; tógadh gártha i dteach an Tiarna mar a thógfaí ar fhéile reachtúil.

[8]Chinn an Tiarna ar chonamar a dhéanamh de bhalla iníon Shíón; shín sé an dorú tomhais leis agus níor stad sé go raibh sé scriosta; chuir sé drochbhail ar bhalla agus ar bhábhún sa chaoi go bhfuil siad araon ag mionú.

[9]Tá a geataí sáite sa talamh; mar réab sé agus bhris sé a mbarraí; tá a rí agus a

seu rei e os seus príncipes estão entre as nações onde já não vigora a lei, nem recebem visão alguma do SENHOR os seus profetas.

[10] Sentados em terra se acham, silenciosos, os anciãos da filha de Sião; lançam pó sobre a cabeça, cingidos de cilício; as virgens de Jerusalém abaixam a cabeça até ao chão.

[11] Com lágrimas se consumiram os meus olhos, turbada está a minha alma, e o meu coração se derramou de angústia por causa da calamidade da filha do meu povo; pois desfalecem os meninos e as crianças de peito pelas ruas da cidade.

[12] Dizem às mães: Onde há pão e vinho?, quando desfalecem como o ferido pelas ruas da cidade ou quando exalam a alma nos braços de sua mãe.

[13] Que poderei dizer-te? A quem te compararei, ó filha de Jerusalém? A quem te assemelharei, para te consolar a ti, ó virgem filha de Sião? Porque grande como o mar é a tua calamidade; quem te acudirá?

[14] Os teus profetas te anunciaram visões falsas e absurdas e não manifestaram a tua maldade, para restaurarem a tua sorte; mas te anunciaram visões de sentenças falsas, que te levaram para o cativeiro.

[15] Todos os que passam pelo caminho batem palmas, assobiam e meneiam a cabeça sobre a filha de Jerusalém: É esta a

flatha i measc na náisiún agus níl aon dlí ann níos mó; go fiú ní bhfaigheann a cuid fáithe aon fhís ar bith ón Tiarna.

[10]Tá seanóirí iníon Shíón ina suí ar an talamh ina dtost, luaithreach caite ar a gceann acu agus iad gléasta in éadach róin; tá a gceann cromtha go talamh ag maighdeana Iarúsailéim.

[11]Tá mo shúile tnáite le caoineadh agus a bhfuil istigh ionam corraithe cráite; tá mo chroí á reabadh le brón mar gheall ar léirscrios mo phobail ionúin; óir tá naíonáin agus leanaí cíche ag snoí i gcearnóga na cathrach.

[12]Bíonn siad ag fiafraí dá máithreacha “Cá bhfuil an t-arán (agus an fíon)?” agus iad ag titim mar dhaoine gonta i gcearnóga an bhaile, agus an t-anam ag sceitheadh astu i mbaclainn a máithreacha.

[13]Cá bhfaighidh mé do leithéid nó do shamhail, a iníon Iarúsailéim? Cad leis a samhlóinn thú chun tú a shólású, a iníon ógh Shíón? Óir, tá do scrios chomh leathan leis an bhfarraige. Cé a fhéadfaidh thú a leigheas?

[14]Chonaic do chuid fáithe thar do cheann físeanna folmha fealltacha; níor nocht siad duit d'urchóid, rúd a chuirfeadh cor bisigh i do chinniúint; ní bhfuair siad thar do cheann sna físeanna ach oracail bhréagacha mhealltacha.

[15]Na daoine uile a ghluaiseann tharat, buaileann siad a mbosa i d'aghaidh; déanann siad faireach agus croitheann

cidade que denominavam a perfeição da formosura, a alegria de toda a terra?

16 Todos os teus inimigos abrem contra ti a boca, assobiam e rangem os dentes; dizem: Devoramo-la; certamente, este é o dia que esperávamos; achamo-lo e vimo-lo.

17 Fez o SENHOR o que intentou; cumpriu a ameaça que pronunciou desde os dias da antiguidade; derrubou e não se apiedou; fez que o inimigo se alegrasse por tua causa e exaltou o poder dos teus adversários.

18 O coração de Jerusalém clama ao SENHOR. Ó muralha da filha de Sião, corram as tuas lágrimas como um ribeiro, de dia e de noite, não te dês descanso, nem pare de chorar a menina de teus olhos!

19 Levanta-te, clama de noite no princípio das vigílias; derrama, como água, o coração perante o SENHOR; levanta a ele as mãos, pela vida de teus filhinhos, que desfalecem de fome à entrada de todas as ruas.

20 Vê, ó SENHOR, e considera a quem fizeste assim! Hão de as mulheres comer o fruto de si mesmas, as crianças do seu carinho? Ou se matará no santuário do SENHOR o sacerdote e o profeta?

21 Jazem por terra pelas ruas o moço e o velho; as minhas virgens e os meus jovens

siad a gceann le hiníon Iarúsailéim: “An í seo an chathair ar glaodh uirthi: ‘Blas na hÁille’, ‘Ábhar Áthais an Domhain Mhóir’?”

16Osclaíonn do naimhde uile a gcraos chun tú a shlogadh; déanann siad faireach agus díoscán fiacal; “Tá sí slogtha siar againn,” deir siad, “is é seo an lá a rabhamar ag súil leis; tá sé buailte linn anois go soiléir.”

17Rinne an Tiarna a raibh beartaithe aige; an rabhadh a thug sé fadó riamh tá sé curtha i gcrích aige anois; tá sé tar éis tú a threascairt gan trua; rinne sé ábhar suilt do do naimhde díot agus chuir sé go mór lena gcumhacht.

18Éigh ó do chroí amach ar an Tiarna, a bhalla iníon Shíón; bí ag tál na ndeor ina dtuile de lá agus d'oíche; ná tabhair faoiseamh ar bith duit féin; nár thriomaí do shúile choíche.

19Éirigh! Glaoigh amach san oíche i dtús gach seala faireacháin! lig do racht bróin amach mar thuile i láthair an Tiarna! Ardaigh chuige do lámha ar son bheatha do leanaí óga, (atá ag titim i laige le hocras ag béal gach uile shráide).

20Féach, a Thiarna, agus breathnaigh ar cé hí ar chaith tú léi mar seo; ní féidir gurbh éigean do mhná naíonáin dhea-chumtha a mbroinne féin a ithe; ní féidir gurbh éigean sagairt agus fáithe a mharú i sanctóir an Tiarna!

21Tá óg agus aosta ina luí ar an talamh sna sráideanna; tá m'ógfhir agus mo

vieram a cair à espada; tu os mataste no dia da tua ira, fizeste matança e não te apiedaste.

mhaighdeana tar éis titim le faobhar an chlaímh; tusa a mharaigh iad ar lá do dhíbheirge; rinne tú sléacht orthu gan trua.

[22] Convocaste de toda parte terrores contra mim, como num dia de solenidade; não houve, no dia da ira do SENHOR, quem escapasse ou ficasse; aqueles do meu carinho os quais eu criei, o meu inimigo os consumiu.

[22]Chruinnigh tú uafás thart orm ó gach taobh, mar a chruinníonn daoine le chéile ar lá féile; níor fágadh fuíoll áir ná fear inste scéil ar lá dhíbheirge an Tiarna; an chlann a rug agus a thóg mé, dhíothaigh mo namhaid iad go léir.

Lamentações 3

Convidado o povo a reconhecer o seu pecado

[1] Eu sou o homem que viu a aflição pela vara do furor de Deus.

[2] Ele me levou e me fez andar em trevas e não na luz.

[3] Deveras ele volveu contra mim a mão, de contínuo, todo o dia.

[4] Fez envelhecer a minha carne e a minha pele, despedaçou os meus ossos.

[5] Edificou contra mim e me cercou de veneno e de dor.

[6] Fez-me habitar em lugares tenebrosos, como os que estão mortos para sempre.

[7] Cercou-me de um muro, e já não posso sair; agravou-me com grilhões de bronze.

[8] Ainda quando clamo e grito, ele não admite a minha oração.

[9] Fechou os meus caminhos com pedras lavradas, fez tortuosas as minhas veredas.

[10] Fez-se-me como urso à espreita, um leão de emboscada.

Leabhar na n-Olagón 3

Dólás, Aithrí, Dóchas

[1]Mise an fear a d'fhulaing cruatan faoi shúiste a dhíbheirge.

[2]Ní sa solas ach sa dorchadas a thiomáin agus a sheol sé mé.

[3]I m'aghaidhse amháin a ardaíonn sé a lámha ar feadh an lae go léir.

[4]Tá mo chorp agus mo chraiceann tnáite aige bhris sé mo chnámha go léir.

[5]Thóg sé balla i m'aghaidh agus thimpeallaigh mé le domlas agus duainéis.

[6]Thug sé orm cónaí sa dorchadas ar nós na marbh a d'éag fadó.

[7]Thóg sé múr i mo thimpeall chun nach n-éalóinn agus chuir sé le meáchan mo shlabhra.

[8]Fiú amháin nuair a scread mé air ag lorg cabhrach, thug sé an chluas bhodhar do m'achainí.

[9]Dhún sé na bealaí orm le clocha soghearrtha; chuir sé cor i mo bhóithre go léir.

[10]Mar bhéar i luíochán nó mar leon in eadarnaí bhí sé in oirchill orm.

[11] Desviou os meus caminhos e me fez em pedaços; deixou-me assolado.

[12] Entesou o seu arco e me pôs como alvo à flecha.

[13] Fez que me entrassem no coração as flechas da sua aljava.

[14] Fui feito objeto de escárnio para todo o meu povo e a sua canção, todo o dia.

[15] Fartou-me de amarguras, saciou-me de absinto.

[16] Fez-me quebrar com pedrinhas de areia os meus dentes, cobriu-me de cinza.

[17] Afastou a paz de minha alma; esqueci-me do bem.

[18] Então, disse eu: já pereceu a minha glória, como também a minha esperança no SENHOR.

[19] Lembra-te da minha aflição e do meu pranto, do absinto e do veneno.

[20] Minha alma, continuamente, os recorda e se abate dentro de mim.

[21] Quero trazer à memória o que me pode dar esperança.

Esperança de auxílio pela misericórdia de Deus

[22] As misericórdias do SENHOR são a causa de não sermos consumidos, porque as suas misericórdias não têm fim;

[23] renovam-se cada manhã. Grande é a tua fidelidade.

[11]Chuir sé amú mé agus rinne sé ciorrú orm agus d'fhág sé treascartha tréigthe mé.

[12]Theann sé a bhogha agus chuir sé i mo sheasamh mé mar sprioc dá shaighead.

[13]Scaoil sé lán a bholgáin de shaigheada isteach i m'áranna.

[14]Ceap magaidh ab ea mé ag an bpobal go léir, mé i m'ábhar aoire acu ar feadh an lae.

[15]Líon sé mé le luibheanna searbha agus chuir sé masmas orm le mormónta.

[16]Thug sé orm gairbhéal a mheilt faoi m'fhiacla, agus chlúdaigh sé mé le luaithreach.

[17]Is fada ó mo chroí a dhíbir tú an tsíocháin sa chaoi nach cuimhin liom céard is sonas ann.

[18]Is é a deirim: “Tá mo bhuaine curtha ó chrích; tá deireadh leis an dóchas a mhúscail an Tiarna ionam.”

[19]Cuimhnigh ar m'angar agus ar mo chuid fánaíochta, ar an mormónta agus ar an domlas.

[20]Is cuimhin liomsa go sármhaith iad agus tá mo chroí spíonta istigh orm dá bharr.

[21]Ach tabharfaidh mé an smaoineamh seo chun mo chuimhne, mar is é fáth mo dhóchais é:

[22]Tuile gan trá is ea buanghrá an Tiarna agus ní théann tobar a thrócaire i ndísc.

[23]Athnuaitear iad gach maidin; óir is daingean í a dhílseacht.

[24] A minha porção é o SENHOR, diz a minha alma; portanto, esperarei nele.

[25] Bom é o SENHOR para os que esperam por ele, para a alma que o busca.

[26] Bom é aguardar a salvação do SENHOR, e isso, em silêncio.

[27] Bom é para o homem suportar o jugo na sua mocidade.

[28] Assente-se solitário e fique em silêncio; porquanto esse jugo Deus pôs sobre ele;

[29] ponha a boca no pó; talvez ainda haja esperança.

[30] Dê a face ao que o fere; farte-se de afronta.

[31] O SENHOR não rejeitará para sempre;

[32] pois, ainda que entristeça a alguém, usará de compaixão segundo a grandeza das suas misericórdias;

[33] porque não aflige, nem entristece de bom grado os filhos dos homens.

[34] Pisar debaixo dos pés a todos os presos da terra,

[35] perverter o direito do homem perante o Altíssimo,

[36] subverter ao homem no seu pleito, não o veria o SENHOR?

[37] Quem é aquele que diz, e assim acontece, quando o SENHOR o não mande?

[24]“Is é an Tiarna mo chuid den saol,” a deirim, “is ann mar sin a chuirim mo dhóchas.”

[25]Is maith é an Tiarna don té a choimeádann súil in airde leis, don duine a bhíonn á lorg.

[26]Is maith an ní é fanacht go foighneach le slánú an Tiarna.

[27]Is é leas an duine an chuing a iompar le linn a óige.

[28]Agus suí go tostach ar leithrigh, nuair a chuirtear air í,

[29]agus luí síos béal faoi sa luaithreach - b'fhéidir go bhfuil ábhar dóchais ann fós -

[30]agus a leiceann a iompú chun an té a bhuaileann é agus masla ar mhuin masla a fhulaingt.

[31]Óir ní go síoraí seasta a shéanfaidh an Tiarna a phobal;

[32]má chránn sé féin, is truachroíoch é leis de réir iomadúlacht a bhuanghrá;

[33]mar ní óna chroí a dhéanann sé an Ádhamhchlann a chiapadh agus a chrá.

[34]Nuair a ghabhtar de chosa i gcimí uile na tíre,

[35]nuair a sháraítear cearta an duine i láthair an Té is Airde;

[36]nuair a thugtar cambhreith ar dhuine i gcúis dlí, an amhlaidh nach bhfeiceann an Tiarna é?

[37]Cé a labhraíonn agus go ndéantar beart dá réir, mura gceadaíonn an Tiarna é?

[38] Acaso, não procede do Altíssimo tanto o mal como o bem?

[39] Por que, pois, se queixa o homem vivente? Queixe-se cada um dos seus próprios pecados.

[40] Esquadrinhemos os nossos caminhos, provemo-los e voltemos para o SENHOR.

[41] Levantemos o coração, juntamente com as mãos, para Deus nos céus, dizendo:

[42] Nós prevaricamos e fomos rebeldes, e tu não nos perdoaste.

[43] Cobriste-nos de ira e nos perseguiste; e sem piedade nos mataste.

[44] De nuvens te encobriste para que não passe a nossa oração.

[45] Como cisco e refugo nos puseste no meio dos povos.

[46] Todos os nossos inimigos abriram contra nós a boca.

[47] Sobre nós vieram o temor e a cova, a assolação e a ruína.

[48] Dos meus olhos se derramam torrentes de águas, por causa da destruição da filha do meu povo.

[49] Os meus olhos choram, não cessam, e não há descanso,

[50] até que o SENHOR atenda e veja lá do céu.

[51] Os meus olhos entristecem a minha alma, por causa de todas as filhas da minha cidade.

[52] Caçaram-me, como se eu fosse ave, os que sem motivo são meus inimigos.

[38]Nach ó bhéal an Té is Airde a thagann an t-olc agus an mhaith?

[39]Cén fáth a ndéanfadh duine ar bith gearán, go háirithe an fear atá ann fós d'ainneoin a pheacaí?

[40]Scrúdaímis agus iniúchaimis ár mbéasa agus fillimis ar ais ar an Tiarna.

[41]Tógaimis ár gcroíthe agus ár lámha araon chun Dé atá sna flaithis go hard.

[42]“Tá peacaí agus ceannairc déanta againne; níor thug tú féin maithiúnas dúinn.

[43]Chuaigh tú sa tóir orainn agus feisteas feirge umat agus rinne tú sléacht orainn gan trua.

[44]D'fholaigh tú thú féin i néal ionas nach bpollfadh ár n-urnaí tríd.

[45]Rinne tú dramhaíl agus bruscar dínn i measc na náisiún.

[46]D'oscail ár naimhde go léir a mbéal inár n-aghaidh.

[47]Scanradh agus clais ghábhála is dán dúinn, léirscrios agus lot.

[48]Tá linnte uisce le mo shúile de dheasca dhíothú mo phobail ionúine.

[49]Sileann deora ó mo shúile gan stad, mar ní bhfaighidh mé faoiseamh ar bith

[50]go mbreathnóidh an Tiarna anuas ó neamh chun feachaint orm.

[51]Is crá croí dom a bhfeiceann mo shúile dá bhfuil á fhulaingt ag iníonacha uile mo chathrach.

[52]An dream a bhí ina naimhde agam gan chúis, chuaigh siad sa tóir orm mar éan.

[53] Para me destruírem, lançaram-me na cova e atiraram pedras sobre mim.
[54] Águas correram sobre a minha cabeça; então, disse: estou perdido!
[55] Da mais profunda cova, SENHOR, invoquei o teu nome.
[56] Ouviste a minha voz; não escondas o ouvido aos meus lamentos, ao meu clamor.
[57] De mim te aproximaste no dia em que te invoquei; disseste: Não temas.
[58] Pleiteaste, SENHOR, a causa da minha alma, remiste a minha vida.
[59] Viste, SENHOR, a injustiça que me fizeram; julga a minha causa.
[60] Viste a sua vingança toda, todos os seus pensamentos contra mim.
[61] Ouviste as suas afrontas, SENHOR, todos os seus pensamentos contra mim;
[62] as acusações dos meus adversários e o seu murmurar contra mim, o dia todo.
[63] Observa-os quando se assentam e quando se levantam; eu sou objeto da sua canção.
[64] Tu lhes darás a paga, SENHOR, segundo a obra das suas mãos.
[65] Tu lhes darás cegueira de coração, a tua maldição imporás sobre eles.
[66] Na tua ira, os perseguirás, e eles serão eliminados de debaixo dos céus do SENHOR.

Lamentações 4

[53]Chaith siad beo mé síos sa charcair agus dhún siad le cloch orm í.
[54]D'éirigh an t-uisce os mo chionn agus dúirt mé: 'Tá deireadh liom! '
[55]Ghlaoigh mé ar d'ainm, a Thiarna, ó íochtar na carcrach doimhne.
[56]Chuala tú mo ghuí: 'Ná tabhair an chluas bhodhar do m'éamh agus mé ag iarraidh faoisimh.'
[57]Dhruid tú i mo leith an lá a ghlaoigh mé ort agus dúirt: 'Ná bíodh eagla ort.'
[58]D'agair tusa, a Thiarna, an chúis a raibh mo bhás ag brath uirthi agus d'fhuascail tú m'anam.
[59]Chonaic tú, a Thiarna, an éagóir a rinneadh orm; seas ceart dom.
[60]Chonaic tú conas mar a lig siad a nimh amach orm, a ndrochbheartaíocht uile i m'aghaidh.
[61]Chuala tú, a Thiarna, faoina gcuid achasán, faoina ndrochiompar uile i mo choinne,
[62]faoi cháineadh agus faoi chogarnaíl lucht m'ionsaithe ar feadh an lae go léir.
[63]Bíodh siad ina suí nó ina seasamh, féach gur mise is ábhar aoire acu.
[64]Bain sásamh astu, a Thiarna, de réir a ndrochbheart;
[65]tabhair stuacacht chroí dóibh: bíodh do mhallacht orthu;
[66]le teann feirge déan iad a thóraíocht agus a scrios de dhruim na talún, a Thiarna."

Leabhar na n-Olagón 4

Os sofrimentos do cerco

[1] Como se escureceu o ouro! Como se mudou o ouro refinado! Como estão espalhadas as pedras do santuário pelas esquinas de todas as ruas!

[2] Os nobres filhos de Sião, comparáveis a puro ouro, como são agora reputados por objetos de barro, obra das mãos de oleiro!

[3] Até os chacais dão o peito, dão de mamar a seus filhos; mas a filha do meu povo tornou-se cruel como os avestruzes no deserto.

[4] A língua da criança que mama fica pegada, pela sede, ao céu da boca; os meninos pedem pão, e ninguém há que lho dê.

[5] Os que se alimentavam de comidas finas desfalecem nas ruas; os que se criaram entre escarlata se apegam aos monturos.

[6] Porque maior é a maldade da filha do meu povo do que o pecado de Sodoma, que foi subvertida como num momento, sem o emprego de mãos nenhumas.

[7] Os seus príncipes eram mais alvos do que a neve, mais brancos do que o leite; eram mais ruivos de corpo do que os corais e tinham a formosura da safira.

[8] Mas, agora, escureceu-se-lhes o aspecto mais do que a fuligem; não são conhecidos nas ruas; a sua pele se lhes pegou aos ossos, secou-se como uma madeira.

[9] Mais felizes foram as vítimas da espada do que as vítimas da fome; porque estas se

Duainéis agus Dóchas

[1]Ochón! Nach murtallach a d'éirigh an t-ór! Cad é mar a d'athraigh an mínór agus mar atá clocha an tsanctóra scaipthe ag cúinne gach sráide!

[2]Clann mhac oirirc Shíón, ar fiú a gcothrom féin den ór is fearr iad, mo léan, áirítear iad mar chrúscaí cré, mar dhéantúis lámh an photaire.

[3]Fiú amháin na seacáil nochtann siad a n-ucht agus tugann siad an chíoch dá gcoileáin; ach tá mo phobal ionúin éirithe chomh cruachroíoch le hostraisí an fhásaigh.

[4]Greamaíonn teanga an naíonáin chíche dá charball leis an tart; iarrann na leanaí arán, ach ní thugtar dóibh é.

[5]An dream nach n-itheadh ach bia beadaí, tá siad ag fáil bháis sna sráideanna; iad siúd a tógadh in éadach corcra, luíonn siad go faon ar charn dramhaíle.

[6]Is mó pionósú mo phobail ionúin ná smachtú Shodom, a scriosadh ar an toirt gan aon duine a leagan lámh uirthi.

[7]Ba ghile a flatha ná an sneachta; ba bháine iad ná bainne; ba dheirge corp iad ná an coiréal agus ba chosúil le saifír a gcló.

[8]Ach anois is duibhe a ndealramh ná súiche; ní aithnítear iad sna sráideanna; tá an craiceann craptha ar a gcnámha; tá sé chomh seargtha le giota adhmaid.

[9]B'ámharaí iad siúd a maraíodh le claíomh ná iad siúd a fuair bás den ghorta, a

definham atingidas mortalmente pela falta do produto dos campos.

[10] As mãos das mulheres outrora compassivas cozeram seus próprios filhos; estes lhes serviram de alimento na destruição da filha do meu povo.

[11] Deu o SENHOR cumprimento à sua indignação, derramou o ardor da sua ira; acendeu fogo em Sião, que consumiu os seus fundamentos.

[12] Não creram os reis da terra, nem todos os moradores do mundo, que entrasse o adversário e o inimigo pelas portas de Jerusalém.

[13] Foi por causa dos pecados dos seus profetas, das maldades dos seus sacerdotes que se derramou no meio dela o sangue dos justos.

[14] Erram como cegos nas ruas, andam contaminados de sangue, de tal sorte que ninguém lhes pode tocar nas roupas.

[15] Apartai-vos, imundos! – gritavam-lhes; apartai-vos, apartai-vos, não toqueis! Quando fugiram errantes, dizia-se entre as nações: Jamais habitarão aqui.

[16] A ira do SENHOR os espalhou; ele jamais atentará para eles; o inimigo não honra os sacerdotes, nem se compadece dos anciãos.

[17] Os nossos olhos ainda desfalecem, esperando vão socorro; temos olhado das vigias para um povo que não pode livrar.

bhíodh á snoí agus á n-ídiú go mall righin cheal torthaí na talún.

[10]Fiú amháin na mná, arb í an taise is dual dóibh, bhruith siad a leanaí lena lámha féin; is iad a bhíodh mar bhia acu, nuair a bhí mo phobal ionúin á scrios.

[11]Lig an Tíarna a racht cuthaigh amach; tháinig lasair feirge fíochmhaire ann; d'adhain sé tine i Síón, a loisc a bunsraitheanna.

[12]Níor chreid ríthe an domhain mhóir ná duine ar bith dá maireann ar an saol go rachadh namhaid nó eascara dá laghad isteach trí gheataí Iarúsailéim.

[13]A mhilleán sin ar pheacaí a fáithe agus ar chionta a sagart, a dhoirt amach laistigh di fuil na bhfíréan.

[14]D'imigh siad ar fán trí na sráideanna ina ndaill; bhí siad truaillithe le fuil, sa chaoi nárbh fhéidir le haon duine baint lena mbaill éadaigh.

[15]“Greadaigí libh, a neamhghlana!” a scairteadh leo, “Greadaigí libh, greadaigí libh, ná bainigí linn!” Theith siad leo chun fáin agus dúradh i measc na náisiún: “Ní féidir leo cónaí anseo níos mó.”

[16]Chuir an Tiarna é féin scaipeadh orthu; níor chuimhnigh sé orthu níos mó; níor tugadh urraim do na sagairt ná ómós do na seanóirí.

[17]Mheath ár súile orainn, ag feitheamh dúinn ar chabhair nár tugadh; bhíodh súil in airde againn ónár dtúir faire le náisiún nach bhféadfadh linn a shlánú dáiríre.

[18] Espreitavam os nossos passos, de maneira que não podíamos andar pelas nossas praças; aproximava-se o nosso fim, os nossos dias se cumpriam, era chegado o nosso fim.

[19] Os nossos perseguidores foram mais ligeiros do que as aves dos céus; sobre os montes nos perseguiram, no deserto nos armaram ciladas.

[20] O fôlego da nossa vida, o ungido do SENHOR, foi preso nos forjes deles; dele dizíamos: debaixo da sua sombra, viveremos entre as nações.

[21] Regozija-te e alegra-te, ó filha de Edom, que habitas na terra de Uz; o cálice se passará também a ti; embebedar-te-ás e te desnudarás.

[22] O castigo da tua maldade está consumado, ó filha de Sião; o SENHOR nunca mais te levará para o exílio; a tua maldade, ó filha de Edom, descobrirá os teus pecados.

Lamentações 5

Os fiéis pedem misericórdia

[1] Lembra-te, SENHOR, do que nos tem sucedido; considera e olha para o nosso opróbrio.

[2] A nossa herança passou a estranhos, e as nossas casas, a estrangeiros;

[3] somos órfãos, já não temos pai, nossas mães são como viúvas.

[4] A nossa água, por dinheiro a bebemos, por preço vem a nossa lenha.

[18]Coinníodh lenár sála sa chaoi nárbh fhéidir siúl trínár sráideanna; bhí ár ndeireadh buailte linn agus ár laethanta caite; níorbh fhada uainn ár dturnamh.

[19]Bhí ár lucht géarleanúna níos mire ná iolair an aeir; chuaigh siad sa tóir orainn thar na sléibhte agus rinne siad luíochán romhainn san fhásach.

[20]Ungthach an Tiarna, arbh ionann agus beatha dúinn é, gabhadh ina bpollghaiste é, an té a ndúramar faoi: “Is faoina scáthsan a mhairfimid i measc na náisiún.”

[21]Déan áthas agus gairdeas, a iníon Eadóm, tusa, a chónaíonn i dtír Úz; sínfear an cupán chugatsa chomh maith; beidh tú ar meisce agus caithfidh tú díot anuas.

[22]Tá do phionósú curtha ar ceal, a iníon Shíón; ní dhíbreoidh sé thar tír amach thú choíche arís; ach smachtóidh sé thusa, a iníon Eadóm, de dheasca d'urchóide agus nochtfaidh sé do chuid peacaí.

Leabhar na n-Olagón 5

“Déan Trócaire Orainn”

[1]Cuimhnigh, a Thiarna, ar ar tharla dúinn; Breathnaigh agus féach ar na maslaí a thugtar dúinn.

[2]Tá ár dtailte oidhreachta i seilbh strainséirí agus ár dtithe i seilbh allúrach.

[3]Dílleachtaí is ea sinn de cheal athar; baintreacha is ea ár máithreacha.

[4]An t-uisce a ólaimid, caithfimid é a cheannach; bíonn orainn íoc as ár n-adhmad féin.

[5] Os nossos perseguidores estão sobre o nosso pescoço; estamos exaustos e não temos descanso.

[5]Tá [cuing] ar ár muineál agus tiomáintear go róghéar sinn; nuair a bhímid traochta, ní thugtar sos dúinn.

[6] Submetemo-nos aos egípcios e aos assírios, para nos fartarem de pão.

[6]Ghéilleamar, seal do na hÉigiptigh, seal do na hAsaírigh, chun ár ndóthain bia a fháil.

[7] Nossos pais pecaram e já não existem; nós é que levamos o castigo das suas iniqüidades.

[7]Pheacaigh ár n-aithreacha; ach níl siadsan ann níos mó; is orainne a agraítear a gcionta.

[8] Escravos dominam sobre nós; ninguém há que nos livre das suas mãos.

[8]Tá sclábhaithe dár rialú; agus níl duine ann chun sinn a fhuascailt uathu.

[9] Com perigo de nossa vida, providenciamos o nosso pão, por causa da espada do deserto.

[9]Is i mbaol ár n-anama a fhaighimid soláthar bia mar gheall ar shladaithe an fhásaigh.

[10] Nossa pele se esbraseia como um forno, por causa do ardor da fome.

[10]Tá beirfean inár gcraiceann faoi mar a bheimis i sorn toisc cuthach ocrais a bheith dár gciapadh.

[11] Forçaram as mulheres em Sião; as virgens, nas cidades de Judá.

[11]Rinneadh éigniú ar an mbantracht i Síón agus ar na maighdeana i gcathracha Iúdá.

[12] Os príncipes foram por eles enforcados, as faces dos velhos não foram reverenciadas.

[12]Crochadh ár bhflatha; ní thugtar ómós do sheandaoine.

[13] Os jovens levaram a mó, os meninos tropeçaram debaixo das cargas de lenha;

[13]Bíonn na hógfhir ag oibriú na bró agus na garsúin ag tuisliú faoi ualaí adhmaid.

[14] os anciãos já não se assentam na porta, os jovens já não cantam.

[14]Ní bhíonn siúl na seanóirí ar an ngeata níos mó agus tá an t-aos óg tar éis éirí as an gceol.

[15] Cessou o júbilo de nosso coração, converteu-se em lamentações a nossa dança.

[15]Tá deireadh leis an áthas a bhíodh inár gcroí agus rinneadh caoineadh dár gcuid rinnceoireachta.

[16] Caiu a coroa da nossa cabeça; ai de nós, porque pecamos!

[16]Tá an choróin tar éis titim dár gceann; is mairg dúinn de bhrí gur pheacaíomar.

[17] Por isso, caiu doente o nosso coração; por isso, se escureceram os nossos olhos.

[17]Is é fáth a bhfuil ár gcroíthe go dona tinn agus ár súile go dúdhorcha dall:

[18] Pelo monte Sião, que está assolado, andam as raposas.

[19] Tu, SENHOR, reinas eternamente, o teu trono subsiste de geração em geração.

[20] Por que te esquecerias de nós para sempre? Por que nos desampararias por tanto tempo?

[21] Converte-nos a ti, SENHOR, e seremos convertidos; renova os nossos dias como dantes.

[22] Por que nos rejeitarias totalmente? Por que te enfurecerias sobremaneira contra nós outros?

[18]toisc go bhfuil Sliabh Shíón treascartha tréigthe agus go mbíonn seacáil ag smúrthacht thart ann.

[19]Ach maireann tusa, a Thiarna, i do rí go brách; beidh do ríchathaoir ann ó ghlúin go glúin.

[20]Cén fáth a ligfeá sinne i ndearmad go deo agus a dtréigfeá sinn go síoraí suthain?

[21]Cas ar ais chugat féin sinn, a Thiarna, agus fillfimid ort; athbhunaigh an réim a bhíodh againn anallód.

[22]Óir tá tú tar éis sinn a shéanadh amach agus amach, is an-mhór ar fad an fhearg a ghlac tú linn.

Ezequiel	Eizicéil

Ezequiel 1

A visão dos quatro querubins

[1] Aconteceu no trigésimo ano, no quinto dia do quarto mês, que, estando eu no meio dos exilados, junto ao rio Quebar, se abriram os céus, e eu tive visões de Deus.

[2] No quinto dia do referido mês, no quinto ano de cativeiro do rei Joaquim,

[3] veio expressamente a palavra do SENHOR a Ezequiel, filho de Buzi, o sacerdote, na terra dos caldeus, junto ao rio Quebar, e ali esteve sobre ele a mão do SENHOR.

[4] Olhei, e eis que um vento tempestuoso vinha do Norte, e uma grande nuvem, com fogo a revolver-se, e resplendor ao redor dela, e no meio disto, uma coisa como metal brilhante, que saía do meio do fogo.

[7]Dúirt sé leo ansin: "Truailligí an Teampall agus líonaigí na cúirteanna leis na mairbh, agus gluaisigí libh." D'imigh siad leo agus mharaigh siad rompu ar fud na cathrach.

[8] Havendo-os eles matado, e ficando eu de resto, caí com o rosto em terra, clamei e disse: ah! SENHOR Deus! Dar-se-á o caso que destruas todo o restante de Israel, derramando o teu furor sobre Jerusalém?

[8]Agus iad ag marú leo, agus mise fágtha liom féin, shléacht mé go talamh agus chaoin os ard: "A Thiarna Dia, an scriosfaidh tú iomlán a bhfuil fágtha d'Iosrael sa taom feirge seo i gcoinne Iarúsailéim?"

[9] Então, me respondeu: A iniqüidade da casa de Israel e de Judá é excessivamente grande, a terra se encheu de sangue, e a cidade, de injustiça; e eles ainda dizem: O SENHOR abandonou a terra, o SENHOR não nos vê.

[9]Dúirt sé liom ansin: "Is an-mhór ciontacht mhuintir Iosrael agus Iúdá, tá an tír lán d'fhuil agus an chathair lán d'urchóid; óir deir siad: 'Tá an tír tréigthe ag an Tiarna, níl radharc ná súl ag an Tiarna.'

[10] Também quanto a mim, os meus olhos não pouparão, nem me compadecerei; porém sobre a cabeça deles farei recair as suas obras.

[10]Maidir liom féin, tabharfaidh mé chun cúitimh iad, gan anacal gan trócaire."

[11] Eis que o homem que estava vestido de linho, a cuja cintura estava o estojo de escrevedor, relatou, dizendo: Fiz como me mandaste.

[11]Agus féach, an fear in éadach lín agus adharc dúigh scríobhaí ina chrios thug sé scéal leis ar ais ag rá: "Rinne mé mar a d'ordaigh tú dom."

Ezequiel 10

A visão das brasas de fogo

[1] Olhei, e eis que, no firmamento que estava por cima da cabeça dos querubins, apareceu sobre eles uma como pedra de safira semelhando a forma de um trono.
[2] E falou ao homem vestido de linho, dizendo: Vai por entre as rodas, até debaixo dos querubins, e enche as mãos de brasas acesas dentre os querubins, e espalha-as sobre a cidade. Ele entrou à minha vista.

[3] Os querubins estavam ao lado direito da casa, quando entrou o homem; e a nuvem encheu o átrio interior.

[4] Então, se levantou a glória do SENHOR de sobre o querubim, indo para a entrada da casa; a casa encheu-se da nuvem, e o átrio, da resplandecência da glória do SENHOR.

[5] O tatalar das asas dos querubins se ouviu até ao átrio exterior, como a voz do Deus Todo-Poderoso, quando fala.

[6] Tendo o SENHOR dado ordem ao homem vestido de linho, dizendo: Toma fogo dentre as rodas, dentre os querubins, ele entrou e se pôs junto às rodas.
[7] Então, estendeu um querubim a mão de entre os querubins para o fogo que estava entre os querubins; tomou dele e o pôs nas mãos do homem que estava vestido de linho, o qual o tomou e saiu.

Eizicéil 10

[1]D'amharc mé ansin agus chonaic san fhirmimint os cionn chloigne na gceiribiní mar a bheadh saifír i riocht ríchathaoireach.
[2]Dúirt sé leis an bhfear in éadach lín: “Imigh isteach idir na rothaí atá ag casadh thart faoi na ceiribíní; tóg mám d'aibhleoga as an tine atá idir na ceiribíní, agus scaip iad ar fud na cathrach.” Isteach leis agus mé ag amharc air.
[3]Bhí na ceiribíní ina seasamh ar dheisceart an Teampaill ar dhul isteach don fhear; agus líonadh an chúirt inmheánach le néal.

[4]D'éirigh glóir an Tiarna ó na ceiribíní go tairseach an tí; bhí an teach líonta leis an néal agus an chúirt lán de ghile ghlóir an Tiarna.

[5]Bhí fuaim sciatháin na gceiribiní le clos fad leis an gcúirt sheachtrach, dála ghuth Dé Uilechumhachtaigh nuair a labhraíonn sé.
[6]Nuair a d'ordaigh sé d'fhear an éadaigh lín aibhleoga a ghlacadh ón tine a bhí faoi na rothaí idir na ceiribíní, chuaigh sé isteach agus sheas in aice le roth.
[7]Shín ceiribín amháin a lámh (idir na ceiribíní) i dtreo na tine a bhí idir na ceiribíní, agus thóg aibhleoga di agus chuir i lámha fhear an éadaigh lín iad. Ghlac seisean iad agus d'imigh amach.

[8] Tinham os querubins uma semelhança de mão de homem debaixo das suas asas.

A visão das quatro rodas

[9] Olhei, e eis quatro rodas junto aos querubins, uma roda junto a cada querubim; o aspecto das rodas era brilhante como pedra de berilo.

[10] Quanto ao seu aspecto, tinham as quatro a mesma aparência; eram como se estivesse uma roda dentro da outra.

[11] Andando elas, podiam ir em quatro direções e não se viravam quando iam; para onde ia a primeira, seguiam as outras e não se viravam quando iam.

[12] Todo o corpo dos querubins, suas costas, as mãos, as asas e também as rodas que os quatro tinham estavam cheias de olhos ao redor.

[13] Quanto às rodas, foram elas chamadas girantes, ouvindo-o eu.

[14] Cada um dos seres viventes tinha quatro rostos: o rosto do primeiro era rosto de querubim, o do segundo, rosto de homem, o do terceiro, rosto de leão, e o do quarto, rosto de águia.

[15] Os querubins se elevaram. São estes os mesmos seres viventes que vi junto ao rio Quebar.

[16] Andando os querubins, andavam as rodas juntamente com eles; e, levantando os querubins as suas asas, para se elevarem de sobre a terra, as rodas não se separavam deles.

[8]Chonacthas [dom] go raibh mar a bheadh lámh duine faoina sciatháin ag na ceiribíní.

[9]D'amharc mé: bhí ceithre roth le hais na gceiribíní, roth le hais gach ceiribín acu; bhí cuma na rothaí mar dhrithliú criosailít.

[10]Bhí an chuma chéanna ar an gceathrar agus iad mar a bheadh roth i lár rotha.

[11]Ag gluaiseacht dóibh d'imigh siad i dtreo aon cheann de na ceithre threo gan claonadh óna gcursa; cibé treo a dtéadh an roth tosaigh leanadh na rothaí eile é, gan claonadh óna gcúrsa.

[12]Bhí a gcoirp agus a ndroimeanna, a lámha agus a sciatháin, agus a rothaí lán de shúile thart timpeall - is é sin na rothaí a bhí ag an gceathrar.

[13]Chuala mé rothaí rothlaim a thabhairt mar ainm ar na rothaí.

[14]Bhí ceithre aghaidh ar gach ceann acu: aghaidh [daimh] ab ea an chéad aghaidh, aghaidh duine an dara ceann, aghaidh leoin an tríú ceann agus aghaidh iolair an ceathrú ceann.

[15]D'éirigh na ceiribíní san aer: ba iad na dúile a chonaic mé ag an abhainn Ceabár.

[16]Nuair a ghluaiseadh na ceiribíní, ghluaiseadh na rothaí lena n-ais; agus nuair a spréadh na ceiribíní a sciatháin le héirí suas ón talamh, ní chlaonadh na rothaí (ó bheith lena n-ais).

[17] Parando eles, paravam elas; e, elevando-se eles, elevavam-se elas, porque o espírito dos seres viventes estava nelas.

A glória de Deus abandona o templo

[18] Então, saiu a glória do SENHOR da entrada da casa e parou sobre os querubins.

[19] Os querubins levantaram as suas asas e se elevaram da terra à minha vista, quando saíram acompanhados pelas rodas; pararam à entrada da porta oriental da Casa do SENHOR, e a glória do Deus de Israel estava no alto, sobre eles.

[20] São estes os seres viventes que vi debaixo do Deus de Israel, junto ao rio Quebar, e fiquei sabendo que eram querubins.

[21] Cada um tinha quatro rostos e quatro asas e a semelhança de mãos de homem debaixo das asas.

[22] A aparência dos seus rostos era como a dos rostos que eu vira junto ao rio Quebar; tinham o mesmo aspecto, eram os mesmos seres. Cada qual andava para a sua frente.

Ezequiel 11

O juízo de Deus contra os chefes do povo

[1] Então, o Espírito me levantou e me levou à porta oriental da Casa do SENHOR, a qual olha para o oriente. À entrada da porta, estavam vinte e cinco homens; no meio deles, vi a Jazanias, filho de Azur, e a Pelatias, filho de Benaías, príncipes do povo.

[17]Nuair a stadaidís stadadh na rothaí fosta; nuair a d'éirídís ón talamh d'éirídís siúd ina gcuideachta; óir bhí spiorad na ndúl sna rothaí.

Fágann Glóir an Tiarna an Teampall

[18]Tháinig glóir an Tiarna amach ó thairseach an Teampaill agus sheas os cionn na gceiribíní.

[19]Spréigh na ceiribíní a sciatháin agus d'éirigh ón talamh; bhí mise ag amharc orthu agus na rothaí ag imeacht lena n-ais. Sheas siad ag an mbealach isteach ag geata thoir Theampall an Tiarna agus glóir Dhia Iosrael os a gcionn.

[20]Ba iad seo na dúile a chonaic mé faoi Dhia Iosrael ag an abhainn Ceabár agus bhí fhios agam gur cheiribíní iad.

[21]Bhí ceithre aghaidh agus ceithre sciathán ag gach ceann acu agus cosúlacht lámha duine faoi na sciatháin.

[22]Agus ba é cosúlacht a n-aghaidheanna na haghaidheanna céanna a bhfaca mé a gcosúlacht ag an abhainn Ceabár. Chuaigh gach ceann acu caol díreach ar aghaidh.

Eiziceíl 11

Pionós an Chúigir is Fiche

[1]Thóg an spiorad ansin mé agus rug mé go geata thoir Theampall an Tiarna, an geata a fhéachann soir. Ar an mbealach isteach ag an ngeata bhí cúigear fear is fiche agus ina measc chonaic mé Iázainia mac Azur agus Palaitia mac Bhanáiá, uachtaráin an phobail.

[2] E disse-me: Filho do homem, são estes os homens que maquinam vilezas e aconselham perversamente nesta cidade,
[3] os quais dizem: Não está próximo o tempo de construir casas; esta cidade é a panela, e nós, a carne.
[4] Portanto, profetiza contra eles, profetiza, ó filho do homem.
[5] Caiu, pois, sobre mim o Espírito do SENHOR e disse-me: Fala: Assim diz o SENHOR: Assim tendes dito, ó casa de Israel; porque, quanto às coisas que vos surgem à mente, eu as conheço.

[6] Multiplicastes os vossos mortos nesta cidade e deles enchestes as suas ruas.

[7] Portanto, assim diz o SENHOR Deus: Os que vós matastes e largastes no meio dela são a carne, e ela, a panela; a vós outros, porém, vos tirarei do meio dela.

[8] Temestes a espada, mas a espada trarei sobre vós, diz o SENHOR Deus.

[9] Tirar-vos-ei do meio dela, e vos entregarei nas mãos de estrangeiros, e executarei juízos entre vós.
[10] Caireis à espada; nos confins de Israel, vos julgarei, e sabereis que eu sou o SENHOR.

[11] Esta cidade não vos servirá de panela, nem vós servireis de carne no seu meio; nos confins de Israel, vos julgarei,

[12] e sabereis que eu sou o SENHOR. Pois não andastes nos meus estatutos, nem

[2]“A mhic an duine,” arsan Tiarna, “seo lucht na drochchomhcheilge a thugann comhairle a haimhleasa don chathair seo;
[3]na daoine a deir: ‘[Nach bhfuil] sé in am againn tithe a thógáil? Is coire an chathair seo agus is sinne an fheoil.’
[4]Dá bhrí sin, tairngir ina gcoinne, tairngir, a mhic an duine!”
[5]Tháinig spiorad an Tiarna anuas orm agus dúirt sé liom: “Abair: ‘Is mar seo a deir an Tiarna: Sin mar a mheasann sibh, a mhuintir Iosrael, mar tá fios bhur smaointe agamsa.
[6]Mhéadaigh sibh líon bhur marbh sa chathair seo, líon sibh na sráideanna le corpáin.
[7]Dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna: Na mairbh a leag sibh inti, is iadsan an fheoil agus is í an chathair an coire; ach tá sé ar intinn agam sibh a thiomáint amach aisti.
[8]B'eagal libh an claíomh agus tabharfaidh mé an claíomh anuas oraibh - an Tiarna Dia a labhraíonn.
[9]Tiomáinfidh mé amach sibh, tabharfaidh mé suas do na coimhthígh sibh, agus gearrfaidh mé pionós oraibh.
[10]Titfidh sibh leis an gclaíomh ar thalamh Iosrael, gearrfaidh mé pionós oraibh agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna.
[11]Ní bheidh an chathair seo ina coire agaibh ná sibhse in bhur bhfeoil istigh; gearrfaidh mé pionós oraibh ar thalamh Iosrael,
[12]agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna. Níor shiúil sibh de réir mo reachtanna

executastes os meus juízos; antes, fizestes segundo os juízos das nações que estão em redor de vós.

13 Ao tempo em que eu profetizava, morreu Pelatias, filho de Benaías. Então, caí com o rosto em terra, clamei em alta voz e disse: ah! SENHOR Deus! Darás fim ao resto de Israel?

Promessa da restauração de Israel

14 Veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

15 Filho do homem, teus irmãos, os teus próprios irmãos, os homens do teu parentesco e toda a casa de Israel, todos eles são aqueles a quem os habitantes de Jerusalém disseram: Apartai-vos para longe do SENHOR; esta terra se nos deu em possessão.

16 Portanto, dize: Assim diz o SENHOR Deus: Ainda que os lancei para longe entre as nações e ainda que os espalhei pelas terras, todavia, lhes servirei de santuário, por um pouco de tempo, nas terras para onde foram.

17 Dize ainda: Assim diz o SENHOR Deus: Hei de ajuntá-los do meio dos povos, e os recolherei das terras para onde foram lançados, e lhes darei a terra de Israel.

18 Voltarão para ali e tirarão dela todos os seus ídolos detestáveis e todas as suas abominações.

19 Dar-lhes-ei um só coração, espírito novo porei dentro deles; tirarei da sua carne o coração de pedra e lhes darei coração de carne;

agus níor chomhlíon sibh mo dheasghnátha; ach chleacht sibh gnásanna na gciníocha máguaird.' "

13Tharla, agus mé ag tairngreacht, gur éag Palaitia mac Bhanáiá. Shléacht mé go talamh agus bhéic os ard: "A Thiarna Dia, an bhfuil sé leagtha amach agat iarmhar Iosrael a dhíothú?"

Iosrael Nua á Ghealladh

14Tháinig briathar an Tiarna chugam ansin:

15"A mhic an duine, do bhráithre - is é sin do dhearthháireacha, fir do chine, muintir iomlán Iosrael - dúirt muintir Iarúsailéim leo: 'D'imigh sibhse i bhfad ón Tiarna; is dúinne a tugadh an tír seo mar oidhreacht.'

16Abair, dá bhrí sin: 'Seo mar a deir an Tiarna Dia: Cé gur theilg mé i bhfad uaim iad i measc na gciníocha agus gur scaip mé iad ar fud na dtíortha, ba shanctóir dóibh mé ar feadh tamaill sa tír ina ndeachaigh siad.'

17Abair, dá bhrí sin: 'Seo mar a deir an Tiarna Dia: Cruinneoidh mé sibh ó na ciníocha, cruinneoidh mé sibh as na tíortha inar scaipeadh sibh agus bronnfaidh mé fearann Iosrael oraibh.'

18Ar theacht ansin dóibh ruaigfidh siad glan idir uafáis agus imeachtaí gránna aisti.

19Tabharfaidh mé aon chroí amháin dóibh, cuirfidh mé spiorad úr isteach iontu: aistreoidh mé an croí cloiche óna

gcorp agus tabharfaidh mé croí feola dóibh,

[20] para que andem nos meus estatutos, e guardem os meus juízos, e os executem; eles serão o meu povo, e eu serei o seu Deus.

[20]ionas go siúlfaidh siad de réir mo reachtanna agus go gcomhlíonfaidh siad mo dheasghnátha gan faillí a dhéanamh; agus beidh siad ina bpobal agamsa agus mise i mo Dhia acusan.

[21] Mas, quanto àqueles cujo coração se compraz em seus ídolos detestáveis e abominações, eu farei recair sobre sua cabeça as suas obras, diz o SENHOR Deus.

[21]Ach i dtaobh an dreama a dtéann a gcroí sa tóir ar uafáis agus ar imeachtaí gránna, cúiteoidh mé a ngníomhartha leo féin - an Tiarna Dia a labhraíonn."

Fágann Glóir an Tiarna Iarúsailéim

[22] Então, os querubins elevaram as suas asas, e as rodas os acompanhavam; e a glória do Deus de Israel estava no alto, sobre eles.

[22]Ansin spréigh na ceiribíní a sciatháin amach agus na rothaí lena n-ais, agus bhí glóir an Tiarna os a gcionn.

[23] A glória do SENHOR subiu do meio da cidade e se pôs sobre o monte que está ao oriente da cidade.

[23]D'éirigh glóir an Tiarna ó lár na cathrach agus sheas ar an sliabh ar oirthear na cathrach.

[24] Depois, o Espírito de Deus me levantou e me levou na sua visão à Caldéia, para os do cativeiro; e de mim se foi a visão que eu tivera.

[24]Thóg an spiorad mé agus rug mé i bhfís ó spiorad Dé go Cailldéa, chuig na deoraithe. An fhís a chonaic mé d'imigh sí ar shiúl uaim ansin,

[25] Então, falei aos do cativeiro todas as coisas que o SENHOR me havia mostrado.

[25]agus d'inis mé do na deoraithe ar thaispeáin an Tiarna dom.

Ezequiel 12

O profeta descreve o cativeiro

[1] Veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[2] Filho do homem, tu habitas no meio da casa rebelde, que tem olhos para ver e não vê, tem ouvidos para ouvir e não ouve, porque é casa rebelde.

Eizicéil 12

Geáitsíocht an Eisimircigh

[1]Tháinig briathar an Tiarna chugam:

[2]"A mhic an duine, tá cónaí ort le dream ceannairceach a bhfuil radharc na súl acu ach nach bhfeiceann siad, a bhfuil cluas le héisteacht acu ach nach gcluineann siad; óir is ceannairceach an dream iad.

[3] Tu, pois, ó filho do homem, prepara a bagagem de exílio e de dia sai, à vista deles, para o exílio; e, do lugar onde estás, parte para outro lugar, à vista deles. Bem pode ser que o entendam, ainda que eles são casa rebelde.

[3]Dá bhrí sin, a mhic an duine, bailigh leat mála taistil le haghaidh deoraíochta agus imigh leat amach de lá os comhair a súl; rachaidh tú ar deoraíocht ó d'áit féin go háit eile os comhair a súl. B'fhéidir go dtuigfidh siad cé gur dream ceannairceach iad.

[4] À vista deles, pois, traze para a rua, de dia, a tua bagagem de exílio; depois, à tarde, sairás, à vista deles, como quem vai para o exílio.

[4]Tabharfaidh tú do mhála taistil amach de lá os comhair a súl mar mhála taistil deoraí; agus imeoidh tú leat sa tráthnóna os a gcomhair mar a dhéanann fir a théann ar deoraíocht faoi éigean.

[5] Abre um buraco na parede, à vista deles, e sai por ali.

[5]Tochail tríd an mballa os a gcomhair agus amach leat tríd.

[6] À vista deles, aos ombros a levarás; às escuras, a transportarás; cobre o rosto para que não vejas a terra; porque por sinal te pus à casa de Israel.

[6]Tógfaidh tú an mála taistil ar do ghualainn os a gcomhair agus tabharfaidh tú amach é sa dorchadas. Clúdóidh tú d'aghaidh ionas nach bhfeicfidh tú an talamh; óir rinne mé comhartha díot do mhuintir Iosrael.' ”

[7] Como se me ordenou, assim eu fiz: de dia, levei para fora a minha bagagem de exílio; então, à tarde, com as mãos abri para mim um buraco na parede; às escuras, eu saí e, aos ombros, transportei a bagagem, à vista deles.

[7]Rinne mé mar a ordaíodh dom. Thug mé mo mhála taistil amach de lá amhail mála taistil deoraí, agus um tráthnóna thochail mé tríd an mballa le mo lámha féin. Chuaigh mé amach sa dorchadas ag iompar mo mhála ar mo ghualainn os a gcomhair.

[8] Pela manhã, veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[8]Tháinig briathar an Tiarna chugam ar maidin:

[9] Filho do homem, não te perguntou a casa de Israel, aquela casa rebelde: Que fazes tu?

[9]“A mhic an duine, nár fhiafraigh muintir Iosrael, an dream ceannairceach sin, díot cad a bhí ar siúl agat?

[10] Dize-lhes: Assim diz o SENHOR Deus: Esta sentença refere-se ao príncipe em

[10]Abair leo: ‘Seo mar a deir an Tiarna Dia: Baineann an tairngreacht seo leis an

Jerusalém e a toda a casa de Israel, que está no meio dela.

11 Dize: Eu sou o vosso sinal. Como eu fiz, assim se lhes fará a eles; irão para o exílio, para o cativeiro.

12 O príncipe que está no meio deles levará aos ombros a bagagem e, às escuras, sairá; abrirá um buraco na parede para sair por ele; cobrirá o rosto para que seus olhos não vejam a terra.

13 Também estenderei a minha rede sobre ele, e será apanhado nas minhas malhas; levá-lo-ei a Babilônia, à terra dos caldeus, mas não a verá, ainda que venha a morrer ali.

14 A todos os ventos espalharei todos os que, para o ajudarem, estão ao redor dele, e todas as suas tropas; desembainharei a espada após eles.

15 Saberão que eu sou o SENHOR, quando eu os dispersar entre as nações e os espalhar pelas terras.

16 Deles deixarei ficar alguns poucos, escapos da espada, da fome e da peste, para que publiquem todas as suas coisas abomináveis entre as nações para onde forem; e saberão que eu sou o SENHOR.

17 Então, veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

18 Filho do homem, o teu pão comerás com tremor e a tua água beberás com estremecimento e ansiedade;

uachtarán in Iarúsailéim agus le muintir uile Iosrael atá ansin.'

11Abair: 'Is comhartha mise daoibh: mar a rinne mise déanfar amhlaidh leosan; rachaidh siad ar deoraíocht, i mbraighdeanas.'

12An t-uachtarán ina measc tógfaidh sé a mhála taistil ar a ghualainn sa dorchadas agus imeoidh sé leis; tochlóidh sé tríd an mballa agus rachaidh sé amach. Clúdóidh sé a aghaidh ionas nach bhfeicfidh sé an talamh lena shúile.

13Leathnóidh mise mo líon air agus rachaidh sé i bhfostú i mo mhogall; tabharfaidh mé liom é go dtí an Bhablóin i dtír na gCaildéach, cé nach bhfeicfidh sé é; agus gheobhaidh sé bás ansin.

14Agus cách dá bhfuil thart air idir chúntóirí agus thrúpaí, scaipfidh mé iad le gach gaoth agus nochtfaidh mé claíomh ina ndiaidh.

15Tuigfidh siad gur mise an Tiarna nuair a ruaigfidh mé iad ar fud na dtíortha.

16Ach fágfaidh mé beagán acu saor ón gclaíomh, ón ngorta agus ón bplá, ionas go n-admhóidh siad a n-imeachtaí gránna uile ar fud na gciníocha mar a dtéann siad, agus go dtuigfidh siad gur mise an Tiarna."

17Lena chois sin tháinig briathar an Tiarna chugam:

18"A mhic an duine, bí ar crith agus tú ag ithe do chuid aráin; bíodh eagla d'anama ort agus tú ag ól uisce.

[19] e dirás ao povo da terra: Assim diz o SENHOR Deus acerca dos habitantes de Jerusalém, na terra de Israel: O seu pão comerão com ansiedade e a sua água beberão com espanto, pois que a sua terra será despojada de tudo quanto contém, por causa da violência de todos os que nela habitam.

[20] As cidades habitadas cairão em ruínas, e a terra se tornará em desolação; e sabereis que eu sou o SENHOR.

[21] Veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[22] Filho do homem, que provérbio é esse que vós tendes na terra de Israel: Prolongue-se o tempo, e não se cumpra a profecia?

[23] Portanto, dize-lhes: Assim diz o SENHOR Deus: Farei cessar esse provérbio, e já não se servirão dele em Israel; mas dize-lhes: Os dias estão próximos e o cumprimento de toda profecia.

[24] Porque já não haverá visão falsa nenhuma, nem adivinhação lisonjeira, no meio da casa de Israel.

[25] Porque eu, o SENHOR, falarei, e a palavra que eu falar se cumprirá e não será retardada; porque, em vossos dias, ó casa rebelde, falarei a palavra e a cumprirei, diz o SENHOR Deus.

[26] Veio-me ainda a palavra do SENHOR, dizendo:

[19]Abair le pobal na tíre: 'Seo mar a deir an Tiarna Dia faoi áitritheoirí Iarúsailéim i dtír Iosrael: Íosfaidh siad a n-arán le faitíos agus ólfaidh siad a n-uisce le huafás, toisc go mbeidh an tír ina fásach lom ó fhoréigean na n-áitritheoirí.

[20]Bánófar na cathracha cónaithe agus scriosfar an tír; agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna.' "

Fonóid Faoin Tairngreacht

[21]Tháinig briathar an Tiarna chugam:

[22]"A mhic an duine, cad é an seanfhocal úd atá agaibh i dtír Iosrael a deir: 'Éiríonn na laethanta fada agus tagann deireadh le gach fís'?

[23]Abair leo, dá bhrí sin: 'Seo mar a deir an Tiarna Dia: Cuirfidh mise deireadh leis an seanfhocal seo agus ní bhainfidh siad feidhm as mar sheanfhocal níos mó in Iosrael.' Ach abair leo: 'Tá na laethanta ar láimh agus cuirfear gach fís i gcrích.

[24]Óir ní bheidh feasta i measc mhuintir Iosrael fís bhaoth ná tairngreacht bhréige.

[25]Ach mise, an Tiarna, a labhróidh an briathar agus cuirfear i gcrích é. Ní bheidh a thuilleadh cairde ann; ach, a dhream cheannaircigh, labhróidh mé an briathar agus cuirfidh i gcrích é le bhur linn - an Tiarna Dia a labhraíonn.' "

[26]Tháinig briathar an Tiarna chugam arís:

[27] Filho do homem, eis que os da casa de Israel dizem: A visão que tem este é para muitos dias, e ele profetiza de tempos que estão mui longe.

[28] Portanto, dize-lhes: Assim diz o SENHOR Deus: Não será retardada nenhuma das minhas palavras; e a palavra que falei se cumprirá, diz o SENHOR Deus.

[27]“A mhic an duine, féach, deir muintir Iosrael: ‘An fhís a fheiceann sé tá sí mórán laethanta uainn fós; tairngríonn sé faoi am i bhfad romhainn.’

[28]Dá bhrí sin, abair leo: ‘Seo mar a deir an Tiarna Dia: Ní chuirfear aon chuid de mo bhriathra ar cairde a thuilleadh, ach an briathar a labhraím cuirfear i gcrích é - an Tiarna Dia a labhraíonn.’ ”

Ezequiel 13

Profecia contra os falsos profetas

[1] Veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[2] Filho do homem, profetiza contra os profetas de Israel que, profetizando, exprimem, como dizes, o que lhes vem do coração. Ouvi a palavra do SENHOR.

[3] Assim diz o SENHOR Deus: Ai dos profetas loucos, que seguem o seu próprio espírito sem nada ter visto!

[4] Os teus profetas, ó Israel, são como raposas entre as ruínas.

[5] Não subistes às brechas, nem fizestes muros para a casa de Israel, para que ela permaneça firme na peleja no Dia do SENHOR.

[6] Tiveram visões falsas e adivinhação mentirosa os que dizem: O SENHOR disse; quando o SENHOR os não enviou; e esperam o cumprimento da palavra.

[7] Não tivestes visões falsas e não falastes adivinhação mentirosa, quando dissestes: O SENHOR diz, sendo que eu tal não falei?

Eizicéil 13

I gCoinne na bhFáithe Bréige

[1]Tháinig briathar an Tiarna chugam:

[2]“A mhic an duine, tairngir i gcoinne fháithe Iosrael, tairngir agus abair leosan a thairngríonn as a stuaim féin: ‘Éistigí le briathar an Tiarna.’

[3]Seo mar a deir an Tiarna Dia: Is mairg do na fáithe baotha a leanann a spiorad féin gan aon rud a fheiceáil.

[4]Tá d'fháithe amhail sionnaigh i lár fothrach, a Iosrael.

[5]“Ní dheachaigh sibh suas sna bearnaí ná níor dhaingnigh sibh muintir Iosrael, ionas go seasfaidís sa chath lá an Tiarna.

[6]Bíonn físeanna baotha agus tairngreachtaí bréige acu agus deir siad: ‘Is é an Tiarna a labhraíonn’; cé nach é an Tiarna a chuireann uaidh iad; agus iad ag súil leis ina ainneoin sin go bhfíorófar a mbriathra.

[7]An amhlaidh nach baoth an fhís a chonaic sibh agus nach bréagach an tairngreacht nuair a deir sibh: ‘Is é an

8 Portanto, assim diz o SENHOR Deus: Como falais falsidade e tendes visões mentirosas, por isso, eu sou contra vós outros, diz o SENHOR Deus.

9 Minha mão será contra os profetas que têm visões falsas e que adivinham mentiras; não estarão no conselho do meu povo, não serão inscritos nos registros da casa de Israel, nem entrarão na terra de Israel. Sabereis que eu sou o SENHOR Deus.

10 Visto que andam enganando, sim, enganando o meu povo, dizendo: Paz, quando não há paz, e quando se edifica uma parede, e os profetas a caiam,

11 dize aos que a caiam que ela ruirá. Haverá chuva de inundar. Vós, ó pedras de saraivada, caireis, e tu, vento tempestuoso, irromperás.

12 Ora, eis que, caindo a parede, não vos dirão: Onde está a cal com que a caiastes?

13 Portanto, assim diz o SENHOR Deus: Tempestuoso vento farei irromper no meu furor, e chuva de inundar haverá na minha ira, e pedras de saraivada, na minha indignação, para a consumir.

14 Derribarei a parede que caiastes, darei com ela por terra, e o seu fundamento se descobrirá; quando cair, perecereis no

Tiarna a labhraíonn'; nuair nár labhair mé ar chor ar bith?"

8Dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: "Ar an ábhar gur labhair sibh go díomhaoin agus go bhfaca sibh bréaga, féach, tá mise in bhur gcoinne - an Tiarna Dia a labhraíonn.

9Sínfidh mé mo lámh i gcoinne fáithe na bhfíseanna baotha agus na dtairngreachtaí bréige. Ní bheidh áit acu ar ardchomhairle mo phobail, ní chlárófar iad ar rolla mhuintir Iosrael, ní leagfaidh siad cos ar thalamh Iosrael, agus tuigfidh siad gur mise an Tiarna Dia.

10Óir tá mo phobal ar seachrán acu ag fogairt na síochána nuair nach bhfuil aon síocháin ann; tá brat aoil daite ar an mballa acu nuair is balla nua a thógfaidh an pobal.

11Abair leo siúd a dhathaíonn é le haol go dtitfidh sé. Beidh tuile bháistí ann, titfidh clocha móra sneachta, séidfidh stoirm ghaoithe;

12agus nuair a thitfidh an balla nach ndéarfar libh: 'Cá bhfuil an t-aol lenar dhathaigh sibh é? '

13Dá bhrí sin, is mar seo a deir an Tiarna Dia: Scaoilfidh mé stoirm ghaoithe lena réabadh agus fearg orm, scaoilfidh tuile bháistí agus cuthach orm, clocha móra sneachta agus fraoch orm.

14Scriosfaidh mé an balla a dhathaigh sibh le haol agus teilgfidh mé go talamh é, ionas go bhfágfar a bunsraith nocht.

meio dela e sabereis que eu sou o SENHOR.
[15] Assim, cumprirei o meu furor contra a parede e contra os que a caiaram e vos direi: a parede já não existe, nem aqueles que a caiaram,

[16] os profetas de Israel que profetizaram a respeito de Jerusalém e para ela têm visões de paz, quando não há paz, diz o SENHOR Deus.

Contra as falsas profetisas

[17] Tu, ó filho do homem, põe-te contra as filhas do teu povo que profetizam de seu coração, profetiza contra elas

[18] e dize: Assim diz o SENHOR Deus: Ai das que cosem invólucros feiticeiros para todas as articulações das mãos e fazem véus para cabeças de todo tamanho, para caçarem almas! Querereis matar as almas do meu povo e preservar outras para vós mesmas?

[19] Vós me profanastes entre o meu povo, por punhados de cevada e por pedaços de pão, para matardes as almas que não haviam de morrer e para preservardes com vida as almas que não haviam de viver, mentindo, assim, ao meu povo, que escuta mentiras.
[20] Portanto, assim diz o SENHOR Deus: Eis aí vou eu contra vossos invólucros feiticeiros, com que vós caçais as almas como aves, e as arrancarei de vossas mãos;

Titfidh sé agus caillfear sibhse ina lár; agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna.
[15]“Sin mar a ídeoidh mé mo fhearg ar an mballa agus orthusan a dhathaigh é le haol. Déarfaidh mé libh: Tá deireadh leis an mballa agus leo siúd a dhathaigh é,
[16]leis na fáithe sin de chuid Iosrael a thairngir faoi Iarúsailéim agus a chonaic físeanna síochána nuair nach raibh aon síocháin ann - an Tiarna Dia a labhraíonn.”

Na Banfháithe Bréige

[17]“Tusa, a mhic an duine, iompaigh in aghaidh iníonacha do mhuintire a thairngríonn as a stuaim féin; tairngir ina gcoinne.
[18]Abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Is mairg do na mná a fhuann rufaí ar an uile chaol láimhe, a dhéanann caillí cinn do chách idir ard agus íseal, chun anamacha a chur i sáinn. An ndéanfaidh sibhse anamacha mo phobail a chur i sáinn agus aire a thabhairt d'anamacha eile ar mhaithe libh féin?

[19]Mhaslaigh sibh mise os comhair mo phobail féin ar son dornáin eorna agus blúirí aráin, á marú siúd nár chóir a mharú agus ag cothú dream nár chóir a chothú, trí bhréaga a insint do mo phobal a dtaitníonn leo éisteacht le bréaga.

[20]“Dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Is beag orm bhur rufaí lena dtóraíonn sibh na hanamacha (amhail éanlaith); réabfaidh mé ó chaolta bhur lámh iad agus

soltarei livres como aves as almas que prendestes.

[21] Também rasgarei os vossos véus e livrarei o meu povo das vossas mãos, e nunca mais estará ao vosso alcance para ser caçado; e sabereis que eu sou o SENHOR.

[22] Visto que com falsidade entristecestes o coração do justo, não o havendo eu entristecido, e fortalecestes as mãos do perverso para que não se desviasse do seu mau caminho e vivesse,

[23] por isso, já não tereis visões falsas, nem jamais fareis adivinhações; livrarei o meu povo das vossas mãos, e sabereis que eu sou o SENHOR.

Ezequiel 14

O castigo dos idólatras

[1] Então, vieram ter comigo alguns dos anciãos de Israel e se assentaram diante de mim.

[2] Veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[3] Filho do homem, estes homens levantaram os seus ídolos dentro do seu coração, tropeço para a iniqüidade que sempre têm eles diante de si; acaso, permitirei que eles me interroguem?

[4] Portanto, fala com eles e dize-lhes: Assim diz o SENHOR Deus: Qualquer homem da casa de Israel que levantar os seus ídolos dentro do seu coração, e tem tal tropeço para a sua iniqüidade, e vier ao profeta,

fuasclóidh mé na hanamacha a thóraíonn sibh amhail éanlaith.

[21]Réabfaidh mé bhur gcaillí mar an gcéanna, saorfaidh mé mo phobal uaibh agus ní bheidh siad i ngreim mar chreach agaibh feasta; agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna.

[22]De bhrí gur chuir sibh imní le bréaga ar an bhfíréan nár chuir mise imní air; agus gur spreag sibh an ciontach ionas nach gcasfadh sé óna drochiompar lena bheatha a shlanú;

[23]dá bhrí sin uile, ní fheicfidh sibh níos mó na físeanna baotha, ní dhéanfaidh sibh fáistine; fuasclóidh mé mo phobal as bhur lámha. Tuigfidh sibh ansin gur mise an Tiarna."

Eizicéil 14

I gCoinne an Íoladhartha

[1]Tháinig dream de sheanóirí Iosrael chugam ansin agus shuigh os mo chomhair.

[2]Tháinig briathar an Tiarna chugam:

[3]"A mhic an duine, tá a gcroí istigh ag an dream seo sna híola atá acu; breathnaíonn siad le taitneamh ar bhunchúis a n-urchóide. Ar chóir dom ligean dóibh mo thuairisc a chur ar chor ar bith?

[4]Dá bhrí sin, labhair leo; abair seo leo: 'Seo mar a deir an Tiarna Dia: Cibé fear de mhuintir Iosrael a bhfuil a chroí istigh sna híola atá aige agus a bhreathnaíonn le taitneamh ar bhunchúis a urchóide agus a thagann ina dhiaidh sin chuig an bhfáidh,

eu, o SENHOR, vindo ele, lhe responderei segundo a multidão dos seus ídolos;

[5] para que eu possa apanhar a casa de Israel no seu próprio coração, porquanto todos se apartaram de mim para seguirem os seus ídolos.

[6] Portanto, dize à casa de Israel: Assim diz o SENHOR Deus: Convertei-vos, e apartai-vos dos vossos ídolos, e dai as costas a todas as vossas abominações,

[7] porque qualquer homem da casa de Israel ou dos estrangeiros que moram em Israel que se alienar de mim, e levantar os seus ídolos dentro do seu coração, e tiver tal tropeço para a iniqüidade, e vier ao profeta, para me consultar por meio dele, a esse, eu, o SENHOR, responderei por mim mesmo.

[8] Voltarei o rosto contra o tal homem, e o farei sinal e provérbio, e eliminá-lo-ei do meio do meu povo; e sabereis que eu sou o SENHOR.

[9] Se o profeta for enganado e falar alguma coisa, fui eu, o SENHOR, que enganei esse profeta; estenderei a mão contra ele e o eliminarei do meio do meu povo de Israel.

[10] Ambos levarão sobre si a sua iniqüidade; a iniqüidade daquele que consulta será como a do profeta;

[11] para que a casa de Israel não se desvie mais de mim, nem mais se contamine com todas as suas transgressões. Então, diz o SENHOR Deus: Eles serão o meu povo, e eu serei o seu Deus.

A justiça dos castigos de Deus

gheobhaidh sé freagra uaimse, an Tiarna, mar gheall ar iomad a íol’,

[5]ionas go meallfaidh mé chugam na croíthe de mhuintir Iosrael go léir a thug cúl liom ar son a n-íol.

[6]“Dá bhrí sin, abair le muintir Iosrael: ‘Seo mar a deir an Tiarna Dia: Déanaigí aithrí, iompaígí ó bhur n-íola agus tréigigí bhur n-imeachtaí gránna uile.

[7]Cibé fear de mhuintir Iosrael - nó de na coimhthígh atá ag cur fúthu in Iosrael - a thugann cúl liomsa, a ghlacann chuige féin ina chroí istigh na híola atá aige, a shuíonn bunchúis a urchóide os a chomhair amach agus a thagann ina dhiaidhsean chuig fáidh ag cur mo thuairisce, freagróidh mise, an Tiarna, é de mo dheoin féin.

[8]Diúltóidh mé don fhear sin, déanfaidh mé sampla agus solaoid de, gearrfaidh mé amach é as lár mo phobail, agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna.

[9]Má bhíonn an fáidh meallta, mise, an Tiarna, a mheall an fáidh sin; sínfidh mé amach mo lámh ina choinne agus scriosfaidh mé é as lár mo phobail, Iosrael.

[10]Fulaingeoidh siad pionós agus beidh an pionós céanna ann don fháidh agus don duine a chuireann tuairisc;

[11]ionas nach seachránfaidh muintir Iosrael uaim arís agus nach dtruailleoidh siad iad féin níos mó lena gcionta, ach go mbeidh siad ina bpobal agamsa agus mise i mo Dhia acusan - an Tiarna a labhraíonn.’ ”

Freagracht Phearsanta

[12] Veio ainda a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[13] Filho do homem, quando uma terra pecar contra mim, cometendo graves transgressões, estenderei a mão contra ela, e tornarei instável o sustento do pão, e enviarei contra ela fome, e eliminarei dela homens e animais;

[14] ainda que estivessem no meio dela estes três homens, Noé, Daniel e Jó, eles, pela sua justiça, salvariam apenas a sua própria vida, diz o SENHOR Deus.

[15] Se eu fizer passar pela terra bestas-feras, e elas a assolarem, que fique assolada, e ninguém possa passar por ela por causa das feras;

[16] tão certo como eu vivo, diz o SENHOR Deus, ainda que esses três homens estivessem no meio dela, não salvariam nem a seus filhos nem a suas filhas; só eles seriam salvos, e a terra seria assolada.

[17] Ou se eu fizer vir a espada sobre essa terra e disser: Espada, passa pela terra; e eu eliminar dela homens e animais,

[18] tão certo como eu vivo, diz o SENHOR Deus, ainda que esses três homens estivessem no meio dela, não salvariam nem a seus filhos nem a suas filhas; só eles seriam salvos.

[19] Ou se eu enviar a peste sobre essa terra e derramar o meu furor sobre ela com sangue, para eliminar dela homens e animais,

[12]Tháinig briathar an Tiarna chugam:

[13]“A mhic an duine, dá bpeacódh tír i mo choinne trí mhídhílseacht agus go sínfinn amach mo lámh ina choinne, go mbrisfinn a stór aráin agus gorta a sheoladh chuige agus gach fear agus ainmhí ann a scrios as;

[14]dá mbeadh fiú an triúr seo ann, Naoi, Dainéil agus Iób, ní thabharfaidís slán de bharr a bhfíréantachta ach a mbeatha féin amháin - an Tiarna Dia a labhraíonn.

[15]Dá scaoilfinn ainmhithe allta ar fud na tíre agus go gcreachfaidís agus go mbánóidís é ionas nach mbeadh sé intaistil mar gheall ar na hainmhithe;

[16]dá mbeadh fiú an triúr seo ann, dar mo bheatha - an Tiarna Dia a labhraíonn - ní thabharfaidís mac ná iníon slán ach iad féin amháin agus bhánófaí an talamh.

[17]Nó dá dtabharfainn claíomh ar an tír sin agus a rá: Téadh an claíomh tríd an tír, agus go scriosfainn gach fear agus ainmhí amach as;

[18]dá mbeadh fiú an triúr seo ann, ní thabharfaidís mac ná iníon slán ach iad féin amháin, dar mo bheo - is é an Tiarna a labhraíonn.

[19]Nó dá seolfainn plá chun na tíre sin agus m'fhearg a ídiú ann le fuil ionas go scriosfaí gach fear agus ainmhí ann;

[20] tão certo como eu vivo, diz o SENHOR Deus, ainda que Noé, Daniel e Jó estivessem no meio dela, não salvariam nem a seu filho nem a sua filha; pela sua justiça salvariam apenas a sua própria vida.

[21] Porque assim diz o SENHOR Deus: Quanto mais, se eu enviar os meus quatro maus juízos, a espada, a fome, as bestas-feras e a peste, contra Jerusalém, para eliminar dela homens e animais?

[22] Mas eis que alguns restarão nela, que levarão fora tanto filhos como filhas; eis que eles virão a vós outros, e vereis o seu caminho e os seus feitos; e ficareis consolados do mal que eu fiz vir sobre Jerusalém, sim, de tudo o que fiz vir sobre ela.

[23] Eles vos consolarão quando virdes o seu caminho e os seus feitos; e sabereis que não foi sem motivo tudo quanto fiz nela, diz o SENHOR Deus.

[20]dá mbeadh fiú Naoi, Dainéil agus Iób ann, dar mo bheatha - an Tiarna Dia a labhraíonn - ní thabharfaidís slán de bharr a bhfíréantachta ach a mbeatha féin amháin.

[21]“Seo mar a deir an Tiarna: Nach mó fós a tharlóidh nuair a ghearrfaidh mé mo cheithre phionós nimhneacha ar Iarúsailéim - an claíomh, an gorta, ainmhithe allta agus an phlá - ionas go scriosfar ann gach fear agus ainmhí!

[22]Ach má fhágtar aon duine ann le bhur mic agus bhur n-iníonacha a tharrtháil; nuair a thiocfaidh siad chugaibh agus nuair a fheicfidh sibh a n-iompar agus a ngníomhartha, gheobhaidh sibh sólás cúitimh as an olc a thug mé ar Iarúsailéim, as ar tharraing mé anuas uirthi.

[23]Tabharfaidh siad sólás daoibh nuair a fheiceann sibh a n-iompar agus a ngníomhartha; agus tuigfidh sibh nach gan fáth a rinne mé gach rud mar a rinne - an Tiarna Dia a labhraíonn.”

Ezequiel 15

Jerusalém é qual videira inútil

[1] Veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[2] Filho do homem, por que mais é o sarmento de videira que qualquer outro, o sarmento que está entre as árvores do bosque?

[3] Toma-se dele madeira para fazer alguma obra? Ou toma-se dele alguma estaca, para que se lhe pendure algum objeto?

Eizicéil 15

Parabal na Fíniúna

[1]Tháinig briathar an Tiarna chugam:

[2]“A mhic an duine conas a sháraíonn adhmad na fíniúna aon adhmad eile ó chraobh crainn san fhoraois?

[3]An mbaintear a hadhmad le haon rud a dhéanamh as? An mbaintear bacán as le soitheach a chrochadh air?

[4] Eis que é lançado no fogo, para ser consumido; se ambas as suas extremidades consome o fogo, e o meio dele fica também queimado, serviria, acaso, para alguma obra?

[4]Féach ansin é! á chaitheamh ar an tine mar chonnadh. Dónn an tine dhá cheann; deargann an lár ina aibhleog; An bhfuil maith ar bith ann a thuilleadh?

[5] Ora, se, estando inteiro, não servia para obra alguma, quanto menos sendo consumido pelo fogo ou sendo queimado, se faria dele qualquer obra?

[5]Nuair a bhí sé iomlán ní raibh aon mhaith ann le haon rud a dhéanamh as; anois agus é dóite gualaithe nach lú fós an mhaith atá ann?

[6] Portanto, assim diz o SENHOR Deus: Como o sarmento da videira entre as árvores do bosque, que dei ao fogo para que seja consumido, assim entregarei os habitantes de Jerusalém.

[6]"Dá bhrí sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Dála adhmad na fíniúna i measc crainn na foraoise a thug mé don tine mar chonnadh, mar sin a chaithfidh mé áitritheoirí Iarúsailéim uaim.

[7] Voltarei o rosto contra eles; ainda que saiam do fogo, o fogo os consumirá; e sabereis que eu sou o SENHOR, quando tiver voltado o rosto contra eles.

[7]Iompóidh mé m'aghaidh ina gcoinne, agus cé go n-éalóidh siad ón tine slogfaidh sí beo iad fós. Tuigfidh tú gur mise an Tiarna nuair a iompóidh mé m'aghaidh ina gcoinne,

[8] Tornarei a terra em desolação, porquanto cometeram graves transgressões, diz o SENHOR Deus.

[8]agus nuair a bhánóidh mé an talamh in éiric a mídhílseachta - an Tiarna Dia a labhraíonn."

Ezequiel 16

A infidelidade de Jerusalém

[1] Veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[2] Filho do homem, faze conhecer a Jerusalém as suas abominações;

[3] e dize: Assim diz o SENHOR Deus a Jerusalém: A tua origem e o teu nascimento procedem da terra dos cananeus; teu pai era amorreu, e tua mãe, hetéia.

[4] Quanto ao teu nascimento, no dia em que nasceste, não te foi cortado o umbigo, nem

Eizicéil 16

An Bhean Chéile Mhídhílis

[1]Tháinig briathar an Tiarna chugam arís:

[2]"A mhic an duine, cuir in iúl a himeachtaí gránna do Iarúsailéim.

[3]Abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia le Iarúsailéim: Is de thír na gCanánach do bhunadh agus do bhreith; ba Amórach d'athair agus Hiteach do mháthair.

[4]Ar bhreith duit, ar lá do bhreithe féin, níor gearradh d'imleacán, níor níodh in

foste lavada com água para te limpar, nem esfregada com sal, nem envolta em faixas.

uisce thú le do ghlanadh; níor sailleadh thú ná níor cuireadh i gcrios ceangail thú.

5 Não se apiedou de ti olho algum, para te fazer alguma destas coisas, compadecido de ti; antes, foste lançada em pleno campo, no dia em que nasceste, porque tiveram nojo de ti.

5Níor dhearc aon duine ort le trua duit, le haon ghníomh trócaire díobh seo a dhéanamh duit; teilgeadh amach thú ar an mblár folamh i d'ábhar déistine an lá a rugadh thú.

6 Passando eu por junto de ti, vi-te a revolver-te no teu sangue e te disse: Ainda que estás no teu sangue, vive; sim, ainda que estás no teu sangue, vive.

6“Ar ghabháil tharat dom agus tú a fheiceáil i do chróluí féin, dúirt mé leat agus an fhuil umat: ‘Mair,

7 Eu te fiz multiplicar como o renovo do campo; cresceste, e te engrandeceste, e chegaste a grande formosura; formaram-se os teus seios, e te cresceram cabelos; no entanto, estavas nua e descoberta.

7agus fás amhail féar na páirce.’ D'fhás tú, mhéadaigh agus tháinig ann duit; bhí do chíocha cumtha agus do ghruaig fásta, ach bhí tú lom tarnocht go fóill.

8 Passando eu por junto de ti, vi-te, e eis que o teu tempo era tempo de amores; estendi sobre ti as abas do meu manto e cobri a tua nudez; dei-te juramento e entrei em aliança contigo, diz o SENHOR Deus; e passaste a ser minha.

8Ar ghabháil tharat arís dom d'amharc mé ort. Bhí tú aibí chun grá; leath mé beann mo chlóca ort agus chlúdaigh do tharnochtacht: sea, thug mé mionn duit, chuaigh mé i gconradh leat - an Tiarna Dia a labhraíonn - agus ba liomsa thú.

9 Então, te lavei com água, e te enxuguei do teu sangue, e te ungi com óleo.

9Ansin nigh mé thú le huisce, nigh mé fós do fhuil uait agus chuir mé ola ort.

10 Também te vesti de roupas bordadas, e te calcei com couro da melhor qualidade, e te cingi de linho fino, e te cobri de seda.

10Thug mé éadach bróidnéirithe duit, bróga leathair, fíléad lín agus clóca síoda.

11 Também te adornei com enfeites e te pus braceletes nas mãos e colar à roda do teu pescoço.

11Sciamhaigh mé thú le hornáidí, le bráisléid thar chaolta do lámh agus slabhra faoi do mhuineál.

12 Coloquei-te um pendente no nariz, arrecadas nas orelhas e linda coroa na cabeça.

12Chuir mé fáinne ar do shrón, cluasfháinní ar do chluasa agus coróin niamhrach ar do cheann.

13 Assim, foste ornada de ouro e prata; o teu vestido era de linho fino, de seda e de

13Mar sin a maisíodh thú le hór agus le hairgead. Ba de líon mín agus de shíoda

bordados; nutriste-te de flor de farinha, de mel e azeite; eras formosa em extremo e chegaste a ser rainha.

bróidnéirithe do chuid éadaí; plúr mín, mil agus ola a bhí mar bhia agat. D'éirigh tú an-sciamhach agus tháinig tú in inmhe banríona.

[14] Correu a tua fama entre as nações, por causa da tua formosura, pois era perfeita, por causa da minha glória que eu pusera em ti, diz o SENHOR Deus.

[14]Craoladh clú do scéimhe ar fud na gciníocha, óir bhí sí foirfe de thairbhe na niamhrachta a bhronn mise ort - an Tiarna Dia a labhraíonn.

[15] Mas confiaste na tua formosura e te entregaste à lascívia, graças à tua fama; e te ofereceste a todo o que passava, para seres dele.

[15]"Ach d'éirigh tú teann as clú d'áilleachta; bhain tú feidhm as do chlú le haghaidh striapachais agus dhoirt tú do dhrúis amach ar chách a chuaigh an bealach.

[16] Tomaste dos teus vestidos e fizeste lugares altos adornados de diversas cores, nos quais te prostituíste; tais coisas nunca se deram e jamais se darão.

[16]Ghlac tú de d'éadach agus chóirigh tú áiteanna arda le dathanna éagsúla de agus ba ansin a mheirdrigh tú; a leithéid ní raibh riamh agus ní bheidh arís.

[17] Tomaste as tuas jóias de enfeite, que eu te dei do meu ouro e da minha prata, fizeste estátuas de homens e te prostituíste com elas.

[17]Ghlac tú fosta na seoda gleoite óir agus airgid a bhronn mise ort; rinne tú íomhánna daonna leo ionas go meirdreofá ina gcuideachta.

[18] Tomaste os teus vestidos bordados e as cobriste; o meu óleo e o meu perfume puseste diante delas.

[18]Chlúdaigh tú iad le d'éadach bróidnéirithe agus d'ofráil tú m'ola agus mo thúis dóibh.

[19] O meu pão, que te dei, a flor da farinha, o óleo e o mel, com que eu te sustentava, também puseste diante delas em aroma suave; e assim se fez, diz o SENHOR Deus.

[19]Mar an gcéanna, an t-arán a thug mé duit, an plúr mín, an ola agus an mhil lenar chothaigh mé thú, d'ofráil tú dóibh iad mar bholadh cumhra - an Tiarna Dia a labhraíonn.

[20] Demais, tomaste a teus filhos e tuas filhas, que me geraste, os sacrificaste a elas, para serem consumidos. Acaso, é pequena a tua prostituição?

[20]Lena chois sin, thug tú na mic agus na hiníonacha a rug tú domsa agus d'íobair tú dóibhsean iad lena slogadh siar. Nár leor leat do striapachas?

[21] Mataste a meus filhos e os entregaste a elas como oferta pelo fogo.

[21]Ach thug tú anbhás do mo pháistí agus thug tú ar láimh dóibh iad mar íobairt dhóite.

[22] Em todas as tuas abominações e nas tuas prostituições, não te lembraste dos dias da tua mocidade, quando estavas nua e descoberta, a revolver-te no teu sangue.

[22]Le linn d'imeachtaí gránna agus do striapachais níor chuimhin leat laethanta d'óige nuair a bhí tú lom tarnocht i do chróluí féin.

[23] Depois de toda a tua maldade (Ai, ai de ti! – diz o SENHOR Deus),

[23]"Tharla i ndiaidh d'oilc uile - mairg agus mairg arís duit, an Tiarna Dia a labhraíonn -

[24] edificaste prostíbulo de culto e fizeste elevados altares por todas as praças.

[24]gur thóg tú ardán agus ardionad duit féin ag gach crosbhóthar.

[25] A cada canto do caminho, edificaste o teu altar, e profanaste a tua formosura, e abriste as pernas a todo que passava, e multiplicaste as tuas prostituições.

[25]Thóg tú d'ardionad ag ceann gach sráide, ag truailliú do scéimhe agus ag méadú do striapachais trí bheith do do thairiscint féin do gach duine a théadh an bealach.

[26] Também te prostituíste com os filhos do Egito, teus vizinhos de grandes membros, e multiplicaste a tua prostituição, para me provocares à ira.

[26]Mheirdrigh tú fosta leis na hÉigiptigh, do chomharsana drúisiúla; mhéadaigh tú an striapachas le mo ghríosúsa chun feirge.

[27] Por isso, estendi a mão contra ti e diminuí a tua porção; e te entreguei à vontade das que te aborrecem, as filhas dos filisteus, as quais se envergonhavam do teu caminho depravado.

[27]Dá bhrí sin shín mé mo lámh amach i do choinne. Laghdaigh mé do sciar bia, d'fhág mé thú i muinín do naimhde, iníonacha na bhFilistíneach, a gcuireann do striapachas déistin orthu.

[28] Também te prostituíste com os filhos da Assíria, porquanto eras insaciável; e, prostituindo-te com eles, nem ainda assim te fartaste;

[28]Mheirdrigh tú mar an gcéanna leis na hAsaírigh toisc tú a bheith doriartha; sea, mheirdrigh tú leo agus níorbh fhéidir do shásamh.

[29] antes, multiplicaste as tuas prostituições na terra de Canaã até a Caldéia e ainda com isso não te fartaste.

[29]Mhéadaigh tú do dhrúis i dtír Chanán agus sa Chaildéa, agus leis seo fós ní raibh tú sásta.

[30] Quão fraco é o teu coração, diz o SENHOR Deus, fazendo tu todas estas coisas, só próprias de meretriz descarada.

[30]"Nach lag do chroí - an Tiarna Dia a labhraíonn - leis na nithe seo, obair striapaí dána, a dhéanamh,

[31] Edificando tu o teu prostíbulo de culto à entrada de cada rua e os teus elevados

[31]ag tógáil d'ardáin ag ceann gach sráide agus d'ardionaid ag gach crosbhóthar?

altares em cada praça, não foste sequer como a meretriz, pois desprezaste a paga;

[32] foste como a mulher adúltera, que, em lugar de seu marido, recebe os estranhos.

[33] A todas as meretrizes se dá a paga, mas tu dás presentes a todos os teus amantes; e o fazes para que venham a ti de todas as partes adulterar contigo.

[34] Contigo, nas tuas prostituições, sucede o contrário do que se dá com outras mulheres, pois não te procuram para prostituição, porque, dando tu a paga e a ti não sendo dada, fazes o contrário.

[35] Portanto, ó meretriz, ouve a palavra do SENHOR.

[36] Assim diz o SENHOR Deus: Por se ter exagerado a tua lascívia e se ter descoberto a tua nudez nas tuas prostituições com os teus amantes; e por causa também das abominações de todos os teus ídolos e do sangue de teus filhos a estes sacrificados,

[37] eis que ajuntarei todos os teus amantes, com os quais te deleitaste, como também todos os que amaste, com todos os que aborreceste; ajuntá-los-ei de todas as partes contra ti e descobrirei as tuas vergonhas diante deles, para que todos as vejam.

[38] Julgar-te-ei como são julgadas as adúlteras e as sanguinárias; e te farei vítima de furor e de ciúme.

[39] Entregar-te-ei nas suas mãos, e derribarão o teu prostíbulo de culto e os

Ach murab ionann agus striapach ní ghlacfá airgead.

[32]Fáiltíonn banadhaltrach roimh choimhthígh in áit a céile féin.

[33]Tugtar bronntanais don striapach. Ach is tusa a thugann na bronntanais do d'aos grá uile; fostaíonn tú iad don striapachas ó gach uile aird.

[34]Ba neamhchosúil thú leis na mná eile sa striapachas duit: níor gríosaíodh tusa chun striapachais. Tú féin a d'fhostaigh nuair nár fostaíodh tusa. Ar an dóigh seo ba neamhchosúil leo siúd thú.

[35]"Uime sin, a striapach, éist le briathar an Tiarna.

[36]Seo mar a deir an Tiarna Dia: De bhrí gur thaispeáin tú thú féin gan náire agus go bhfacthas tarnocht thú sa striapachas le do leannáin, agus mar gheall ar d'íola agus fuil do chlainne a thug tú dóibh;

[37]dá bhrí sin uile, cruinneoidh mé an t-aos grá uile lenar ghlac tú sámhas, iadsan a thaitin agus iadsan nár thaitin leat, tabharfaidh mé le chéile os do chomhair iad ó gach aird; taispeánfaidh mé dóibh thú gan chlúid, ionas go bhfeicfidh siad thú tarnocht.

[38]Tabharfaidh mé an breithiúnas ort a thugtar ar mhná a bhriseann cuing phósta agus a dhoirteann fuil, agus doirtfidh mé d'fhuil féin go héadmhar feargach.

[39]Tabharfaidh mé suas thú do do leannáin, réabfaidh siad d'ardán agus scriosfaidh

teus elevados altares; despir-te-ão de teus vestidos, tomarão as tuas finas jóias e te deixarão nua e descoberta.

d'ardionaid; bainfidh siad do chuid éadaí díot, ropfaidh siad chun siúil do sheoda breátha agus fágfaidh siad thú lom tarnocht.

[40] Farão subir contra ti uma multidão, apedrejar-te-ão e te traspassarão com suas espadas.

[40]Gríosóidh siad slua i do choinne, clochfaidh siad thú, sáfaidh siad claíomh tríot.

[41] Queimarão as tuas casas e executarão juízos contra ti, à vista de muitas mulheres; farei cessar o teu meretrício, e já não darás paga.

[41]Dófaidh siad do thithe agus daorfaidh siad thú os comhair na sluaite ban; tabharfaidh mé ort éirí as an striapachas agus as fostú na leannán a thuilleadh.

[42] Desse modo, satisfarei em ti o meu furor, os meus ciúmes se apartarão de ti, aquietar-me-ei e jamais me indignarei.

[42]Ídeoidh mé mo chuthach ort agus imeoidh m'éad uait; ciúnóidh mé agus ní bheidh fearg orm arís.

[43] Visto que não te lembraste dos dias da tua mocidade e me provocaste à ira com tudo isto, eis que também eu farei recair sobre a tua cabeça o castigo do teu procedimento, diz o SENHOR Deus; e a todas as tuas abominações não acrescentarás esta depravação.

[43]De bhrí nár chuimhin leat laethanta d'óige agus gur spreag tú fearg ionam leis na nithe seo uile; dá bhrí sin, cúiteoidh mé do ghníomhartha ar do cheann féin - an Tiarna Dia a labhraíonn. Nach raibh tú graosta sa bhreis ar d'imeachtaí gránna eile?

[44] Eis que todo o que usa de provérbios usará contra ti este, dizendo: Tal mãe, tal filha.

[44]“Lucht seanfhocla a chur trí chéile inseoidh siad an seanfhocal seo fútsa: Ba dual máthar di.

[45] Tu és filha de tua mãe, que teve nojo de seu marido e de seus filhos; e tu és irmã de tuas irmãs, que tiveram nojo de seus maridos e de seus filhos; vossa mãe foi hetéia, e vosso pai, amorreu.

[45]Is fíoriníon le do mháthair thú, léisean a thug fuath dá céile agus dá clann; agus is deirfiúr le do [dheirfiúracha] thú, leosan a thug fuath dá gcéilí agus dá gclanna. Ba Hiteach do mháthair agus Amórach d'athair.

[46] E tua irmã, a maior, é Samaria, que habita à tua esquerda com suas filhas; e a tua irmã, a menor, que habita à tua mão direita, é Sodoma e suas filhas.

[46]Is í an tSamáir do dheirfiúr shinsir a chónaigh lena clann iníonacha ó thuaidh uait, agus is í Sodom do dheirfiúr óg, ise a chónaigh lena clann iníonacha ó dheas.

[47] Todavia, não só andaste nos seus caminhos, nem só fizeste segundo as suas abominações; mas, como se isto fora mui pouco, ainda te corrompeste mais do que elas, em todos os teus caminhos.

[48] Tão certo como eu vivo, diz o SENHOR Deus, não fez Sodoma, tua irmã, ela e suas filhas, como tu fizeste, e também tuas filhas.

[49] Eis que esta foi a iniqüidade de Sodoma, tua irmã: soberba, fartura de pão e próspera tranqüilidade teve ela e suas filhas; mas nunca amparou o pobre e o necessitado.

[50] Foram arrogantes e fizeram abominações diante de mim; pelo que, em vendo isto, as removi dali.

[51] Também Samaria não cometeu metade de teus pecados; pois tu multiplicaste as tuas abominações mais do que elas e assim justificaste a tuas irmãs com todas as abominações que fizeste.

[52] Tu, pois, levas a tua ignomínia, tu que advogaste a causa de tuas irmãs; pelos pecados que cometeste, mais abomináveis do que elas, mais justas são elas do que tu; envergonha-te logo também e leva a tua ignomínia, pois justificaste a tuas irmãs.

[53] Restaurarei a sorte delas, a de Sodoma e de suas filhas, a de Samaria e de suas filhas e a tua própria sorte entre elas,

[47]Ach níor [leor leatsa] siúl de réir a ngníomharthasan ná de réir a n-imeachtaí gránna; i gceann tamaill bhig bhí tú níba thruaillithe ná iad féin.

[48]Dar mo bheatha - an Tiarna Dia a labhraíonn - ní dhearna Sodom féin agus a clann iníonacha mar a rinne tusa agus d'iníonacha.

[49]Ba í seo ciontacht Shodom, do dheirfiúr, agus a hiníonacha: bhí siad díomasach, craosach, tugtha don sámhas, ach níor tháinig i gcabhair ar an mbochtán ná ar an ainniseoir.

[50]Ba ardnósach iad agus bhí imeachtaí gránna ar siúl acu os mo chomhair; uime sin, ar a bhfeiceáil dom scuab mé amach iad.

[51]Mar sin féin níor pheacaigh an tSamáir leath chomh mór agus a pheacaigh tusa, bhí imeachtaí níba ghránna ar siúl agat ná mar bhí acusan; go deimhin chuir tú cuma na fíréantachta ar do dheirfiúracha trí mhéid na n-imeachtaí gránna seo agat féin.

[52]Fulaing do náire mar gur chlaon tú an breithiúnas i leith do dheirfiúracha; is córa iadsan ná tusa de bhrí gur pheacaigh tú níba ghránna ná iadsan. Sea, bíodh náire ort féin agus fulaing an náire gur chuir tú cuma na fíréantachta ar do dheirfiúracha.

Leasú

[53]"Tabharfaidh mé ar ais chucu féin Sodom agus a hiníonacha, agus an tSamáir agus a hiníonacha. Tabharfaidh mé tusa ar ais chugat féin i lár báire,

[54] para que leves a tua ignomínia e sejas envergonhada por tudo o que fizeste, servindo-lhes de consolação.

[55] Quando tuas irmãs, Sodoma e suas filhas, tornarem ao seu primeiro estado, e Samaria e suas filhas tornarem ao seu, também tu e tuas filhas tornareis ao vosso primeiro estado.

[56] Não usaste como provérbio o nome Sodoma, tua irmã, nos dias da tua soberba,

[57] antes que se descobrisse a tua maldade? Agora, te tornaste, como ela, objeto de opróbrio das filhas da Síria e de todos os que estão ao redor dela, as filhas dos filisteus que te desprezam.

[58] As tuas depravações e as tuas abominações tu levarás, diz o SENHOR.

[59] Porque assim diz o SENHOR Deus: Eu te farei a ti como fizeste, pois desprezaste o juramento, invalidando a aliança.

[60] Mas eu me lembrarei da aliança que fiz contigo nos dias da tua mocidade e estabelecerei contigo uma aliança eterna.

[61] Então, te lembrarás dos teus caminhos e te envergonharás quando receberes as tuas irmãs, tanto as mais velhas como as mais novas, e tas darei por filhas, mas não pela tua aliança.

[62] Estabelecerei a minha aliança contigo, e saberás que eu sou o SENHOR,

[54]ionas go bhfulaingeoidh tú d'ísliú céime, go mbeidh náire ort as a ndearna tú agus go mbeidh tú i do shólás acusan.

[55]Do dheirfiúracha, Sodom agus a hiníonacha, fillfidh siad ar a ndúchas; tú féin agus d'iníonacha fillfidh sibhse ar bhur ndúchas.

[56]Nach raibh Sodom do dheirfiúr ina hábhar seanchais agat lá do dhíomais

[57]sular foilsíodh d'olc? Tá tú anois ar aon dul léi; is díol aithise thú ag iníonacha Eadóm agus a comharsana, agus ag iníonacha na bhFilistíneach máguaird a chaitheann drochmheas leat.

[58]Tá tú ag díol as do ghraostacht agus as d'imeachtaí gránna - an Tiarna Dia a labhraíonn.

[59]“Seo mar a deir an Tiarna Dia: Sea, roinnfidh mé leat mar atá tuillte agat, tusa a mhaslaigh an gealltanas nuair a bhris tú an conradh;

[60]ach cuimhneoidh mise ar an gconradh a rinne mé leat nuair a bhí tú óg, agus bunóidh mé conradh leat a mhairfidh go deo.

[61]Cuimhneoidh tú ansin ar do ghníomhartha agus beidh náire ort nuair a ghlacfaidh mé do dheirfiúracha, an sinsear agus an t-óg, lena mbronnadh ort mar iníonacha, cé nach den chonradh leat é seo.

[62]Daingneoidh mé mo chonradh leat agus tuigfidh tú gur mise an Tiarna,

[63] para que te lembres e te envergonhes, e nunca mais fale a tua boca soberbamente, por causa do teu opróbrio, quando eu te houver perdoado tudo quanto fizeste, diz o SENHOR Deus.

Ezequiel 17

A parábola das duas águias e da videira

[1] Veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[2] Filho do homem, propõe um enigma e usa de uma parábola para com a casa de Israel;

[3] e dize: Assim diz o SENHOR Deus: Uma grande águia, de grandes asas, de comprida plumagem, farta de penas de várias cores, veio ao Líbano e levou a ponta de um cedro.

[4] Arrancou a ponta mais alta dos seus ramos e a levou para uma terra de negociantes; na cidade de mercadores, a deixou.

[5] Tomou muda da terra e a plantou num campo fértil; tomou-a e pôs junto às muitas águas, como salgueiro.

[6] Ela cresceu e se tornou videira mui larga, de pouca altura, virando para a águia os seus ramos, porque as suas raízes estavam debaixo dela; assim, se tornou em videira, e produzia ramos, e lançava renovos.

[7] Houve outra grande águia, de grandes asas e de muitas penas; e eis que a videira lançou para ela as suas raízes e estendeu para ela os seus ramos, desde a cova do seu plantio, para que a regasse.

[63]ionas go mba chuimhin leat agus go gcuirfí cotadh ort agus go gcuirfí i do thost go deo thú de bharr do náire, nuair a mhaithfidh mise duit a bhfuil déanta agat - an Tiarna Dia a labhraíonn.”

Eiziceíl 17

Fáthscéal na nIolar agus na Fíniúna

[1]Tháinig briathar an Tiarna chugam:

[2]“A mhic an duine, cuir tomhas amach, inis fáthscéal do mhuintir Iosrael.

[3]Abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Iolar mór, mórsciathánach, fadeiteogach, le clúmh tiubh ildathach, a tháinig go dtí an Liobáin. Rug sé ar bharr an chéadrais,

[4]bhris an beangán úr ar bharr, thug leis é go tír thráchtála, agus leag síos é i gcathair cheannaithe.

[5]Ansin ghlac sé de shíol fíniúna, agus chuir in ithir thorthúil é, i gcóngar uiscí líonmhara, á chur mar chraobhóg shailí.

[6]Ghin an síol agus d'fhás ina fhíniúin, a bhí íseal agus leathan. D'fhás na géaga i dtreo an iolair agus na fréamhacha síos sa talamh. Tháinig ann dó mar fhíniúin, thug géaga uaidh agus chuir amach duilliúir.

[7]Bhí iolar mór [eile] ann, mórsciathánach, dlúthchlúmhach. Féach, chlaon an fhíniúin a fréamhacha ina threo, agus scaoil a géaga ina threo, amach ón gceapach inar síoladh í, ionas go n-uisceodh sé í.

[8] Em boa terra, à borda de muitas águas, estava ela plantada, para produzir ramos, e dar frutos, e ser excelente videira.

[8]Ba in ithir thorthúil i gcóngar uiscí líonmhara a cuireadh an fhíniúin, chun géaga a fhás, chun torthaí a bhreith, agus aibiú mar fhíniúin uasal.

[9] Dize: Assim diz o SENHOR Deus: Acaso, prosperará ela? Não lhe arrancará a águia as raízes e não cortará o seu fruto, para que se sequem todas as folhas de seus renovos? Não será necessário nem poderoso braço nem muita gente para a arrancar por suas raízes.

[9]Abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia: An mbeidh an rath uirthi seo? Nach mbrisfidh an t-iolar na fréamhacha agus na torthaí a ropadh leis, ionas go bhfeofaidh an duilliúr úr nuair a phéacfaidh sé? Ní bheidh gá le neart ná le slua lena tarraingt aníos ó na fréamhacha.

[10] Mas, ainda plantada, prosperará? Acaso, tocando-lhe o vento oriental, de todo não se secará? Desde a cova do seu plantio se secará.

[10]Tá sí curtha ansin; an mbeidh an rath uirthi? Nach seargfaidh sí nuair a shéideann an ghaoth anoir uirthi? Nach bhfeofaidh sí san ithir inar fhás?”

[11] Então, veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[11]Tháinig briathar an Tiarna chugam ansin:

[12] Dize agora à casa rebelde: Não sabeis o que significam estas coisas? Dize: Eis que veio o rei da Babilônia a Jerusalém, e tomou o seu rei e os seus príncipes, e os levou consigo para a Babilônia;

[12]“Abair leis an dream ceannairceach sin: ‘Nach dtuigeann sibh cad is ciall leis na nithe seo? ’ Inis dóibh: Féach, tháinig rí na Bablóine go Iarúsailéim; ghabh sé an rí agus na prionsaí agus thug leis iad chun na Bablóine.

[13] tomou um da estirpe real e fez aliança com ele; também tomou dele juramento, levou os poderosos da terra,

[13]Ghlac sé fear de shíol na rí agus rinne conradh leis, á chur faoi bhrí na mionn. Ghabh sé cheana féin taoisigh na tíre

[14] para que o reino ficasse humilhado e não se levantasse, mas, guardando a sua aliança, pudesse subsistir.

[14]ionas go mbeadh an ríocht uiríseal gan éirí in airde agus go bhfanfadh sí dílis don chonradh agus go mairfeadh.

[15] Mas ele se rebelou contra o rei da Babilônia, enviando os seus mensageiros ao Egito, para que se lhe mandassem cavalos e muita gente. Prosperará, escapará aquele que faz tais coisas? Violará a aliança e escapará?

[15]Ach d'éirigh [an prionsa] amach agus chuir teachtaí chun na hÉigipte, ionas go dtabharfaidís capaill agus slua fear dó. An n-éireoidh leis? An rachaidh a leithéid seo d'fhear slán? An bhfuil sé i ndán d'fhear briste an chonartha dul slán?

[16] Tão certo como eu vivo, diz o SENHOR Deus, no lugar em que habita o rei que o fez reinar, cujo juramento desprezou e cuja aliança violou, sim, junto dele, no meio da Babilônia será morto.

[16]Dar mo bheo - an Tiarna Dia a labhraíonn - dar mo fhocal, gheobhaidh sé bás in áit chónaithe an rí a bhfuair sé an chORÓIN uaidh, is é sin, sa Bhablóin. Óir mhaslaigh sé a mhionn agus bhris a chonradh.

[17] Faraó, nem com grande exército, nem com numerosa companhia, o ajudará na guerra, levantando tranqueiras e edificando baluartes, para destruir muitas vidas.

[17]Ní dhéanfaidh Forann tarrtháil air sa chogadh lena shlua neartmhar agus a mhórchuideachta, ainneoin na mótaí cré agus na mballaí léigir a thógfaí, agus an méid a mharófaí, sa tógáil.

[18] Pois desprezou o juramento, violando a aliança feita com aperto de mão, e praticou todas estas coisas; por isso, não escapará.

[18]De bhrí gur mhaslaigh sé an mionn agus gur bhris an conradh a raibh sé fós faoi cheangal aige; dá bhrí sin uile, ní rachaidh sé slán.

[19] Portanto, assim diz o SENHOR Deus: Tão certo como eu vivo, o meu juramento que desprezou e a minha aliança que violou, isto farei recair sobre a sua cabeça.

[19]“Uime sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Dar mo bheo, mo mhionn a mhaslaigh sé agus mo chonradh a bhris sé, cúiteoidh mé iad ar a cheann féin.

[20] Estenderei sobre ele a minha rede, e ficará preso no meu laço; levá-lo-ei à Babilônia e ali entrarei em juízo com ele por causa da rebeldia que praticou contra mim.

[20]Leathfaidh mé m'eangach thairis agus rachaidh sé i bhfostú i mo mhogaill; tabharfaidh mé liom chuig an Bhablóin é agus gearrfaidh mé pionós air ansin mar gheall ar an bhfeall a d'imir sé orm.

[21] Todos os seus fugitivos, com todas as suas tropas, cairão à espada, e os que restarem serão espalhados a todos os ventos; e sabereis que eu, o SENHOR, o disse.

[21]Titfidh togha a shlua leis an gclaíomh agus scaipfear an t-iarmhar le gach gaoth; agus aithneoidh tú gur mise, an Tiarna, a labhair.

[22] Assim diz o SENHOR Deus: Também eu tomarei a ponta de um cedro e a plantarei; do principal dos seus ramos cortarei o renovo mais tenro e o plantarei sobre um monte alto e sublime.

[22]Seo mar a deir an Tiarna Dia: Ó bharr an chéadrais, ón ngéag is airde de gearrfaidh mé maothán agus cuirfidh é ar shliabh ard beannach;

[23] No monte alto de Israel, o plantarei, e produzirá ramos, dará frutos e se fará cedro excelente. Debaixo dele, habitarão animais de toda sorte, e à sombra dos seus ramos se aninharão aves de toda espécie.

[24] Saberão todas as árvores do campo que eu, o SENHOR, abati a árvore alta, elevei a baixa, sequei a árvore verde e fiz reverdecer a seca; eu, o SENHOR, o disse e o fiz.

[23]ar bharr shliabh Iosrael a chuirfidh mé é. Ginfidh sé géaga agus béarfaidh toradh, agus beidh ina chéadras breá. Cónóidh gach sórt éin faoi, lonnóidh gach dúil sciathánach faoi scáth a ghéag.

[24]Agus tuigfidh gach crann sa pháirc gur mise, an Tiarna, a leagann an crann ard, agus a thógann an ceann íseal, a sheargann an crann glas agus a bhláthaíonn an ceann críon. Mise, an Tiarna; a labhair agus déanfaidh mé beart dá réir."

Ezequiel 18

A responsabilidade é pessoal

[1] Veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[2] Que tendes vós, vós que, acerca da terra de Israel, proferis este provérbio, dizendo: Os pais comeram uvas verdes, e os dentes dos filhos é que se embotaram?

[3] Tão certo como eu vivo, diz o SENHOR Deus, jamais direis este provérbio em Israel.

[4] Eis que todas as almas são minhas; como a alma do pai, também a alma do filho é minha; a alma que pecar, essa morrerá.

[5] Sendo, pois, o homem justo e fazendo juízo e justiça,

[6] não comendo carne sacrificada nos altos, nem levantando os olhos para os ídolos da casa de Israel, nem contaminando a mulher do seu próximo, nem se chegando à mulher na sua menstruação;

[7] não oprimindo a ninguém, tornando ao devedor a coisa penhorada, não roubando,

Eizicéil 18

Freagracht Phearsanta

[1]Tháinig briathar an Tiarna chugam arís:

[2]"Cad chuige a n-aithriseann sibh an seanfhocal seo faoi thír Iosrael: D'ith a n-aithreacha caora searbha; agus tá déistin ar fhiacla na clainne?

[3]"Dar mo bheo - an Tiarna Dia a labhraíonn - ní bheidh an seanfhocal seo sa chaint a thuilleadh eadraibh in Iosrael.

[4]Féach, is liomsa an uile bheo, is liom anam an athar agus anam an mhic. An duine a pheacaíonn, eisean a éagfaidh.

[5]"Géilleann an fíréan don dlí agus don cheart,

[6]ní itheann sé ar na sléibhte, ní thógann sé a shúile chun íola mhuintir Iosrael, ní thruaillíonn sé bean a chomharsan, ní théann i ndáil mhná le linn a fola míosúla.

[7]Ní imríonn sé éagóir ar aon duine, ach tugann sé a gheall ar ais dá fhéichiúnaí; ní

dando o seu pão ao faminto e cobrindo ao nu com vestes;

8 não dando o seu dinheiro à usura, não recebendo juros, desviando a sua mão da injustiça e fazendo verdadeiro juízo entre homem e homem;

9 andando nos meus estatutos, guardando os meus juízos e procedendo retamente, o tal justo, certamente, viverá, diz o SENHOR Deus.

10 Se ele gerar um filho ladrão, derramador de sangue, que fizer a seu irmão qualquer destas coisas

11 e não cumprir todos aqueles deveres, mas, antes, comer carne sacrificada nos altos, contaminar a mulher de seu próximo,

12 oprimir ao pobre e necessitado, praticar roubos, não tornar o penhor, levantar os olhos para os ídolos, cometer abominação,

13 emprestar com usura e receber juros, porventura, viverá? Não viverá. Todas estas abominações ele fez e será morto; o seu sangue será sobre ele.

14 Eis que, se ele gerar um filho que veja todos os pecados que seu pai fez, e, vendo-os, não cometer coisas semelhantes,

15 não comer carne sacrificada nos altos, não levantar os olhos para os ídolos da

ghoideann sé, ach tugann arán don ocrach agus éadaí don nocht.

8Ní thugann sé uaidh ar úsaireacht, ní ghlacann sé brabús, staonann sé ón olc, tugann sé breithiúnas cóir idir duine agus duine;

9siúlann sé de réir mo reachtanna agus comhlíonann mo dheasghnátha go cúramach. Tá a leithéid fíréanta dáiríre agus mairfidh sé go deimhin. Is é an Tiarna Dia a labhraíonn.

10“Ach má ghineann sé bithiúnach fuilteach de mhac

11nach ndéanann aon dualgas díobh seo, ach a itheann ar na sléibhte, a thruaillíonn bean a chomharsan,

12a imríonn éagóir ar an mbochtán agus ar an ainniseoir, a ghoideann, nach dtugann geall ar ais, a thógann a shúile chun na n-íol, a mbíonn imeachtaí gránna ar siúl aige,

13a thugann uaidh ar úsaireacht agus a ghlacann brabús; an mairfidh seisean? Go deimhin, ní mhairfidh. Tar éis dó na coireanna gránna seo a dhéanamh éagfaidh sé cinnte agus beidh a chuid fola air féin.

14“Ach má ghineann an fear seo mac a fheiceann na peacaí a rinne a athair, a ghabhann eagla agus nach ndéanann beart dá réir,

15nach n-itheann ar na sléibhte, nach dtógann a shúile chun íola mhuintir

casa de Israel e não contaminar a mulher de seu próximo;

16 não oprimir a ninguém, não retiver o penhor, não roubar, der o seu pão ao faminto, cobrir ao nu com vestes;

17 desviar do pobre a mão, não receber usura e juros, fizer os meus juízos e andar nos meus estatutos, o tal não morrerá pela iniqüidade de seu pai; certamente, viverá.

18 Quanto a seu pai, porque praticou extorsão, roubou os bens do próximo e fez o que não era bom no meio de seu povo, eis que ele morrerá por causa de sua iniqüidade.

19 Mas dizeis: Por que não leva o filho a iniqüidade do pai? Porque o filho fez o que era reto e justo, e guardou todos os meus estatutos, e os praticou, por isso, certamente, viverá.

20 A alma que pecar, essa morrerá; o filho não levará a iniqüidade do pai, nem o pai, a iniqüidade do filho; a justiça do justo ficará sobre ele, e a perversidade do perverso cairá sobre este.

21 Mas, se o perverso se converter de todos os pecados que cometeu, e guardar todos os meus estatutos, e fizer o que é reto e justo, certamente, viverá; não será morto.

Iosrael, nach dtruaillíonn bean a chomharsan,

16nach n-imríonn éagóir ar aon duine, nach n-éilíonn geall, nach ngoideann; ach a thugann arán don ocrach agus éadaí don nocht,

17a staonann ón olc, nach dtugann uaidh ar úsaireacht agus nach nglacann brabús, a chomhlíonann mo dheasghnátha agus a shiúlann de réir mo reachtanna; ní éagfaidh seisean de bharr peacaí a athar, ach mairfidh sé go deimhin.

18Ach de bhrí gur imir an t-athair éagóir, gur chreach sé a dhearthháir agus nach ndearna gar riamh i measc a mhuintire, éagfaidh sé cinnte de bharr a oilc.

19“Deir sibh: ‘Cad chuige nach n-iompraíonn an mac peacaí an athar? ’ Má ghéilleann an mac don dlí agus don cheart agus mo dheasghnátha a chomhlíonadh go cúramach, mairfidh sé gan amhras.

20An duine a pheacaíonn, éagfaidh sé. Ní bheidh an mac freagrach i bpeacaí an athar ná an t-athair i bpeacaí an mhic; gheobhaidh an fíréan creidiúint as a fhíréantacht féin amháin agus an drochdhuine as a urchóid.

21“Ach má thréigeann an drochdhuine na peacaí go léir a rinne sé, má chomhlíonann sé mo dheasghnátha uile agus géilleadh don dlí agus don cheart, mairfidh sé go deimhin; ní éagfaidh sé.

[22] De todas as transgressões que cometeu não haverá lembrança contra ele; pela justiça que praticou, viverá.

[23] Acaso, tenho eu prazer na morte do perverso? – diz o SENHOR Deus; não desejo eu, antes, que ele se converta dos seus caminhos e viva?

[24] Mas, desviando-se o justo da sua justiça e cometendo iniqüidade, fazendo segundo todas as abominações que faz o perverso, acaso, viverá? De todos os atos de justiça que tiver praticado não se fará memória; na sua transgressão com que transgrediu e no seu pecado que cometeu, neles morrerá.

[25] No entanto, dizeis: O caminho do SENHOR não é direito. Ouvi, agora, ó casa de Israel: Não é o meu caminho direito? Não são os vossos caminhos tortuosos?

[26] Desviando-se o justo da sua justiça e cometendo iniqüidade, morrerá por causa dela; na iniqüidade que cometeu, morrerá.

[27] Mas, convertendo-se o perverso da perversidade que cometeu e praticando o que é reto e justo, conservará ele a sua alma em vida.

[28] Pois se considera e se converte de todas as transgressões que cometeu, certamente, viverá; não será morto.

[29] No entanto, diz a casa de Israel: O caminho do SENHOR não é direito. Não são os meus caminhos direitos, ó casa de Israel? E não são os vossos caminhos tortuosos?

[22]Na peacaí go léir a rinne sé ní labhrófar leis arís orthu; as an bhfíréantacht a chleacht sé mairfidh sé.

[23]An mbainim sult as bás an drochdhuine? - an Tiarna Dia a labhraíonn. Nach é mo mhian go dtréigfeadh sé a bhealaí agus go mairfeadh sé?

[24]Ach má thréigeann an fíréan a fhíréantacht, agus olc a dhéanamh, agus imeachtaí giánna an drochdhuine a bheith ar siúl aige, an mairfidh sé? Ní bheidh aon trácht ar an bhfíréantacht a chleacht sé; de bhrí gur fheall sé agus gur pheacaigh sé, gheobhaidh sé bás.

[25]“Ach deir sibhse: ‘Ní cóir iad gníomhartha an Tiarna.’ Éistigí liom, a mhuintir Iosrael; nach cóir iad mo ghníomhartha? Nach iad bhur ngníomhartha féin atá míchóir?

[26]Má thréigeann an fíréan a fhíréantacht agus peacú, éagfaidh sé dá bharr; éagfaidh sé de bharr an oilc atá déanta aige.

[27]Arís, má thréigeann an drochdhuine a pheacaí agus déanamh mar is ceart agus mar is cóir, tabharfaidh sé a bheatha slán.

[28]De bhrí gur mhachnaigh sé agus gur thréig sé a pheacaí go léir mairfidh sé go deimhin; ní bhfaighidh sé bás.

[29]Ach deir muintir Iosrael: ‘Ní cóir iad gníomhartha an Tiarna.’ A mhuintir Iosrael, nach cóir iad mo ghníomhartha? Nach iad bhur ngníomhartha féin atá míchóir?

[30] Portanto, eu vos julgarei, a cada um segundo os seus caminhos, ó casa de Israel, diz o SENHOR Deus. Convertei-vos e desviai-vos de todas as vossas transgressões; e a iniqüidade não vos servirá de tropeço.
[31] Lançai de vós todas as vossas transgressões com que transgredistes e criai em vós coração novo e espírito novo; pois, por que morreríeis, ó casa de Israel?
[32] Porque não tenho prazer na morte de ninguém, diz o SENHOR Deus. Portanto, convertei-vos e vivei.

[30]Dá bhrí sin, tabharfaidh mé breithiúnas ort, a mhuintir Iosrael; ar gach duine de réir a ghníomhartha - an Tiarna Dia a labhraíonn. Déanaigí aithrí agus tréigigí bhur bpeacaí go léir; seachnaígí gach ócáid scannail agaibh.
[31]Teilgigí uaibh na peacaí uile a rinne sibh orm; agus cothaígí ionaibh féin croí nua agus spiorad nua. Cad chuige gur toil libh bás a fháil, a mhuintir Iosrael?
[32]Ní bhainimse sult as bás aon duine - an Tiarna Dia a labhraíonn. Ar an ábhar sin guím aithrí daoibh agus beatha."

Ezequiel 19

A parábola do leão enjaulado

[1] E tu levanta uma lamentação sobre os príncipes de Israel
[2] e dize: Quem é tua mãe? Uma leoa entre leões, a qual, deitada entre os leõezinhos, criou os seus filhotes.
[3] Criou um dos seus filhotinhos, o qual veio a ser leãozinho, e aprendeu a apanhar a presa, e devorou homens.
[4] As nações ouviram falar dele, e foi ele apanhado na cova que elas fizeram e levado com ganchos para a terra do Egito.
[5] Vendo a leoa frustrada e perdida a sua esperança, tomou outro dos seus filhotes e o fez leãozinho.
[6] Este, andando entre os leões, veio a ser um leãozinho, e aprendeu a apanhar a presa, e devorou homens.

Eizicéil 19

Fáthscéal na Leon

[1]"Ach sibhse, tógaigí tuireamh ar son phrionsaí Iosrael.
[2]Abraigí: 'Cad ba mháthair duit? Leon baineann i measc leon. Ina luí idir na leoin óga d'oil sí na coileáin.
[3]Thóg sí coileán acu agus d'fhás sé ina leon óg; d'fhoghlaim sé breith ar an gcreach, agus thosaigh ag alpadh fear.
[4]Thóg na ciníocha an gháir ina choinne, gabhadh ina bpoll é; agus thug siad le crucaí go tír na hÉigipte é.
[5]Nuair a chonaic [an mháthair] í féin cloíte agus ábhar a dóchais caillte, ghlac sí coileán eile dá cuid agus thóg ina leon óg é.
[6]Chuaigh sé ar a sheilg i measc na leon, d'fhás ina leon óg, d'fhoghlaim sé breith ar an gcreach agus thosaigh ag alpadh fear.

[7] Aprendeu a fazer viúvas e a tornar desertas as cidades deles; ficaram estupefatos a terra e seus habitantes, ao ouvirem o seu rugido.

[8] Então, se ajuntaram contra ele as gentes das províncias em roda, estenderam sobre ele a rede, e foi apanhado na cova que elas fizeram.

[9] Com gancho, meteram-no em jaula, e o levaram ao rei da Babilônia, e fizeram-no entrar nos lugares fortes, para que se não ouvisse mais a sua voz nos montes de Israel.

A parábola da videira arruinada

[10] Tua mãe, de sua natureza, era qual videira plantada junto às águas; plantada à borda, ela frutificou e se encheu de ramos, por causa das muitas águas.

[11] Tinha galhos fortes para cetros de dominadores; elevou-se a sua estatura entre os espessos ramos, e foi vista na sua altura com a multidão deles.

[12] Mas foi arrancada com furor e lançada por terra, e o vento oriental secou-lhe o fruto; quebraram-se e secaram os seus fortes galhos, e o fogo os consumiu.

[13] Agora, está plantada no deserto, numa terra seca e sedenta.

[14] Dos galhos dos seus ramos saiu fogo que consumiu o seu fruto, de maneira que já não há nela galho forte que sirva de cetro para dominar. Esta é uma lamentação e ficará servindo de lamentação.

Ezequiel 20

As abominações da casa de Israel depois do êxodo

[7]Scrios sé a gcaisleáin agus bhánaigh a gcathracha; scanraigh an tír agus a raibh inti ag callán a bhúiríola.

[8]Ghluais na ciníocha ansin ina choinne ó na cúigí máguaird; leathnaigh siad a n-eangach thairis; gabhadh ina bpoll é.

[9]Ghabh siad i gcarcair é le crúcaí agus rug leo é go rí na Bablóine; chuir siad i mbraighdeanas é ionas nach gcluinfí a ghlór arís ar shléibhte Iosrael.'

Fáthscéal na Fíniúna

[10]Bhí do mháthair amhail fíniúin a cuireadh i gcóngar an uisce.

[11]D'fhás an ghéag ba láidre ina slat ríoga; d'fhás sí go han-ard os cionn na dtiúchraobhacha. Ba shofheicthe í ar a hairde agus ar mhothall a duilliúir.

[12]Ach réabadh as a fréamh í, teilgeadh ar lár í le fearg; seargadh a toradh ag an ngaoth anoir, chríon an ghéag láidir, dhóigh an tine í go léir.

[13]Tá sí athchurtha anois san fhásach, in ithir thirim thartmhar.

[14]Chuaigh tine amach ón tamhan, a dhóigh idir ghéaga agus thoradh; tá deireadh leis an gcraobh láidir, deireadh leis an tslat ríoga.' " Is tuireamh é sin agus glactar leis amhlaidh.

Eizicéil 20

Mídhílseacht Iosrael

[1] No quinto mês do sétimo ano, aos dez dias do mês, vieram alguns dos anciãos de Israel para consultar ao SENHOR; e assentaram-se diante de mim.

[2] Então, veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[3] Filho do homem, fala aos anciãos de Israel e dize-lhes: Assim diz o SENHOR Deus: Acaso, viestes consultar-me? Tão certo como eu vivo, diz o SENHOR Deus, vós não me consultareis.

[4] Julgá-los-ias tu, ó filho do homem, julgá-los-ias? Faze-lhes saber as abominações de seus pais

[5] e dize-lhes: Assim diz o SENHOR Deus: No dia em que escolhi a Israel, levantando a mão, jurei à descendência da casa de Jacó e me dei a conhecer a eles na terra do Egito; levantei-lhes a mão e jurei: Eu sou o SENHOR, vosso Deus.

[6] Naquele dia, levantei-lhes a mão e jurei tirá-los da terra do Egito para uma terra que lhes tinha previsto, a qual mana leite e mel, coroa de todas as terras.

[7] Então, lhes disse: Cada um lance de si as abominações de que se agradam os seus olhos, e não vos contamineis com os ídolos do Egito; eu sou o SENHOR, vosso Deus.

[8] Mas rebelaram-se contra mim e não me quiseram ouvir; ninguém lançava de si as abominações de que se agradavam os seus olhos, nem abandonava os ídolos do Egito.

[1]Sa seachtú bliain, ar an deichiú lá den chúigiú mí, tháinig dream de shinsir Iosrael chun dul i gcomhairle leis an Tiarna agus shuigh síos os mo chomhair.

[2]Tháinig briathar an Tiarna chugam:

[3]“A mhic an duine, labhair le sinsir Iosrael agus abair leo: Seo mar a deir an Tiarna Dia: ‘An chun dul i gcomhairle liom a tháinig sibh? ’ Dar mo bheo - an Tiarna Dia a labhraíonn - ní ligfidh mé daoibh dul i gcomhairle liom.

[4]An dtabharfaidh tusa breithiúnas orthu, a mhic an duine? An dtabharfaidh tú breithiúnas orthu? Inis imeachtaí gránna a n-aithreacha dóibh,

[5]agus abair leo: Seo mar a deir an Tiarna Dia: An lá a thogh mé Iosrael, mhionnaigh mé do shliocht mhuintir Iacóib, do mo chur féin in aithne dóibh i dtír na hÉigipte. Mhionnaigh mé dóibh: Is mise an Tiarna bhur nDia.

[6]An lá sin mhionnaigh mé dóibh go dtabharfainn liom iad as tír na hÉigipte go tír a cheap mé féin dóibh, tír a bhfuil bainne agus mil ina slaoda inti, tír a sháraíonn tíortha an domhain.

[7]Dúirt mé leo: Caithigí uaibh uafáis a mheallann súile an uile dhuine agaibh agus ná truailligí sibh féin le híola na hÉigipte; is mise an Tiarna bhur nDia.

[8]Ach d'éirigh siad amach i mo choinne agus níor éist siad liom; níor chaith siad uathu na huafáis ar bhain gach duine acu lán na súl astu; níor thréig siad íola na

Então, eu disse que derramaria sobre eles o meu furor, para cumprir a minha ira contra eles, no meio da terra do Egito.

hÉigipte ach oiread. “Shocraigh mé ansin mo dhíbeirg a dhoirteadh anuas orthu agus mo chuthach a ídiú orthu i lár thír na hÉigipte.

[9] O que fiz, porém, foi por amor do meu nome, para que não fosse profanado diante das nações no meio das quais eles estavam, diante das quais eu me dei a conhecer a eles, para os tirar da terra do Egito.

[9]Ach d'oibrigh mé ar mhaithe le m'ainm féin ionas nach dtruailleofaí é os comhair na gciníocha ar chónaigh siad ina measc, óir gheall mé dóibh os comhair na gciníocha sin go dtreoróinn amach as tír na hÉigipte iad.

[10] Tirei-os da terra do Egito e os levei para o deserto.

[10]Threoraigh mé iad amach as tír na hÉigipte agus isteach san fhásach.

[11] Dei-lhes os meus estatutos e lhes fiz conhecer os meus juízos, os quais, cumprindo-os o homem, viverá por eles.

[11]Thug mé mo reachtanna dóibh agus thaispeáin mo dheasghnátha dóibh, deasghnátha a bhfuil beatha an duine ag brath ar a gcomhlíonadh.

[12] Também lhes dei os meus sábados, para servirem de sinal entre mim e eles, para que soubessem que eu sou o SENHOR que os santifica.

[12]Lena chois sin thug mé mo shabóidí dóibh mar chomhartha idir mise agus iadsan, ionas go mbeadh fhios acu gur mise, an Tiarna, a naomhaíonn iad.

[13] Mas a casa de Israel se rebelou contra mim no deserto, não andando nos meus estatutos e rejeitando os meus juízos, os quais, cumprindo-os o homem, viverá por eles; e profanaram grandemente os meus sábados. Então, eu disse que derramaria sobre eles o meu furor no deserto, para os consumir.

[13]Ach d'éirigh muintir Iosrael amach i mo choinne san fhásach; níor shiúil siad de réir mo reachtanna, ach dhiúltaigh siad do mo dheasghnátha a bhfuil beatha an duine ag brath ar a gcomhlíonadh, agus thruailligh siad mo shabóidí go mór. “Shocraigh mé ansin go ndoirtfinn mo dhíoltas anuas orthu san fhásach á léirscrios.

[14] O que fiz, porém, foi por amor do meu nome, para que não fosse profanado diante das nações perante as quais os fiz sair.

[14]Ach d'oibrigh mé ar mhaithe le m'ainm ionas nach dtruailleofaí é os comhair na gciníocha, os a gcomhair siúd ar sheol mé amach iad.

[15] Demais, levantei-lhes no deserto a mão e jurei não deixá-los entrar na terra que

[15]Mhionnaigh mé dóibh fosta san fhásach nach dtreoróinn iad isteach sa tír a cheap

lhes tinha dado, a qual mana leite e mel, coroa de todas as terras.

mé dóibh, an tír a bhfuil bainne agus mil ina slaoda inti agus a sháraíonn tíortha an domhain;

[16] Porque rejeitaram os meus juízos, e não andaram nos meus estatutos, e profanaram os meus sábados, pois o seu coração andava após os seus ídolos.

[16]de bhrí gur dhiúltaigh siad do mo dheasghnátha, nár shiúil siad de réir mo reachtanna, agus gur thruaillígh siad mo shabóidí, óir luigh a gcroí lena n-íola.

[17] Não obstante, os meus olhos lhes perdoaram, e eu não os destruí, nem os consumi de todo no deserto.

[17]Ina dhiaidh sin agus uile ghlac mé trua dóibh; níor bhasc ná níor léirscrios mé san fhásach iad.

[18] Mas disse eu a seus filhos no deserto: Não andeis nos estatutos de vossos pais, nem guardeis os seus juízos, nem vos contamineis com os seus ídolos.

[18]“Dúirt mé lena gclann san fhásach: Ná siúlaigí de réir reachtanna bhur n-aithreacha, ná comhlíonaigí a ndeasghnátha, ná truailligí sibh féin lena n-íola.

[19] Eu sou o SENHOR, vosso Deus; andai nos meus estatutos, e guardai os meus juízos, e praticai-os;

[19]Is mise an Tiarna, bhur nDia. Siúlaigí de réir mo reachtanna agus comhlíonaigí mo dheasghnátha go cúramach.

[20] santificai os meus sábados, pois servirão de sinal entre mim e vós, para que saibais que eu sou o SENHOR, vosso Deus.

[20]Naomhaígí mo shabóidí ionas go mba chomhartha iad idir mise agus sibhse, ionas go dtuigfidh sibh gur mise, an Tiarna, bhur nDia.

[21] Mas também os filhos se rebelaram contra mim e não andaram nos meus estatutos, nem guardaram os meus juízos, os quais, cumprindo-os o homem, viverá por eles; antes, profanaram os meus sábados. Então, eu disse que derramaria sobre eles o meu furor, para cumprir contra eles a minha ira no deserto.

[21]Ach d'éirigh an chlann amach i mo choinne; níor shiúil siad de réir mo reachtanna, níor chomhlíon siad mo dheasghnátha go cúramach a bhfuil beatha an duine ag brath ar a gcomhlíonadh, thruailligh siad mo shabóidí. “Shocraigh mé ansin mo dhíbheirg a dhoirteadh anuas orthu agus mo chuthach a ídiú orthu san fhásach.

[22] Mas detive a mão e o fiz por amor do meu nome, para que não fosse profanado diante das nações perante as quais os fiz sair.

[22]Ach tharraing mé siar agus d'oibrigh ar mhaithe le m'ainm, ionas nach dtruailleofaí é os comhair na gciníocha, os a gcomhair siúd ar sheol mé amach iad.

[23] Também levantei-lhes no deserto a mão e jurei espalhá-los entre as nações e derramá-los pelas terras;

[24] porque não executaram os meus juízos, rejeitaram os meus estatutos, profanaram os meus sábados, e os seus olhos se iam após os ídolos de seus pais;

[25] pelo que também lhes dei estatutos que não eram bons e juízos pelos quais não haviam de viver;

[26] e permiti que eles se contaminassem com seus dons sacrificiais, como quando queimavam tudo o que abre a madre, para horrorizá-los, a fim de que soubessem que eu sou o SENHOR.

[27] Portanto, fala à casa de Israel, ó filho do homem, e dize-lhes: Assim diz o SENHOR Deus: Ainda nisto me blasfemaram vossos pais e transgrediram contra mim.

[28] Porque, havendo-os eu introduzido na terra sobre a qual eu, levantando a mão, jurara dar-lha, onde quer que viam um outeiro alto e uma árvore frondosa, aí ofereciam os seus sacrifícios, apresentavam suas ofertas provocantes, punham os seus suaves aromas e derramavam as suas libações.

[29] Eu lhes disse: Que alto é este, aonde vós ides? O seu nome tem sido Lugar Alto, até ao dia de hoje.

[30] Portanto, dize à casa de Israel: Assim diz o SENHOR Deus: Vós vos contaminais a

[23]Lena chois sin mhionnaigh mé dóibh san fhásach go scaoilfinn i measc na gcineócha iad agus go scaipfinn iad ar fud na dtíortha;

[24]de bhrí nár chomhlíon siad mo dheasghnátha ach gur dhiúltaigh siad do mo reachtanna agus gur thruailligh siad mo shabóidí agus go raibh lán na súl á bhaint acu as íola a n-aithreacha.

[25]Uime sin, thug mé reachtanna gan tairbhe dóibh agus deasghnátha nach dtabharfadh beatha dóibh.

[26]Thruailligh mé iad lena mbronntanais féin, ag tabhairt orthu a gcéadghinte a íobairt le tine, ionas go mbuailfeadh uafás iad; rinne mé amhlaidh le go dtuigfidís gur mise an Tiarna.

[27]“Dá bhrí sin, a mhic an duine, labhair le muintir Iosrael. Abair leo: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Mhaslaigh bhur n-aithreacha mé sa rud seo arís trí fheall a imirt orm.

[28]Nuair a thug mé isteach iad sa tír a mhionnaigh mé a thabhairt dóibh, d'ofrálaidís a n-íobairtí agus a mbronntanais bhearránacha, aon áit a bhfeicidís cnoc ard nó crann duilleach. Ansin mar an gcéanna a scaoilidís a mboladh cumhra agus a dhoirtidís a ndeochanna ofrála.

[29]Dúirt mé leo ansin: Cad is ainm don áit ard a dtéann sibh chuige? Bámá a thugann siad air go dtí an lá inniu dá bhrí sin.

[30]Uime sin, abair le muintir Iosrael: Seo mar a deir an Tiarna Dia: An dtruailleoidh

vós mesmos, à maneira de vossos pais, e vos prostituís com as suas abominações?

sibhse sibh féin ar nós bhur n-aithreacha, ag dul ar seachrán i ndiaidh a nithe gránna?

[31] Ao oferecerdes os vossos dons sacrificiais, como quando queimais os vossos filhos, vós vos contaminais com todos os vossos ídolos, até ao dia de hoje. Porventura, me consultaríeis, ó casa de Israel? Tão certo como eu vivo, diz o SENHOR Deus, vós não me consultareis.

[31]Má ofrálann sibh bhur mbronntanais, má íobraíonn sibh bhur gclann mhac sa tine, agus sibh féin a thruailliú le bhur n-uile íola go dtí an lá inniu féin, an bhféadaim ligean daoibh dul i gcomhairle liom? Dar mo bheo - an Tiarna Dia a labhraíonn - ní rachaidh sibh i gcomhairle liom.

[32] O que vos ocorre à mente de maneira nenhuma sucederá; isto que dizeis: Seremos como as nações, como as outras gerações da terra, servindo às árvores e às pedras.

[32]“Ní thitfidh sé amach ar chor ar bith de réir an smaoineamh seo in bhur n-aigne: ‘Bímis amhail na náisiúin, amhail ciníocha na dtíortha, ag adhradh adhmaid agus cloiche.’

[33] Tão certo como eu vivo, diz o SENHOR Deus, com mão poderosa, com braço estendido e derramado furor, hei de reinar sobre vós;

[33]Dar mo bheo - an Tiarna Dia a labhraíonn - is mise go deimhin a bheidh ina rí oraibh le láimh láidir agus géag sínte agus taom feirge.

[34] tirar-vos-ei dentre os povos e vos congregarei das terras nas quais andais espalhados, com mão forte, com braço estendido e derramado furor.

[34]Tabharfaidh mé amach as na ciníocha sibh, cruinneoidh mé sibh le láimh láidir agus géag sínte agus taom feirge ó na tíortha inar scaipeadh sibh;

[35] Levar-vos-ei ao deserto dos povos e ali entrarei em juízo convosco, face a face.

[35]agus tabharfaidh mé sibh go Fásach na Náisiún, áit a ndaorfaidh mé sibh agus sinn i láthair a chéile.

[36] Como entrei em juízo com vossos pais, no deserto da terra do Egito, assim entrarei em juízo convosco, diz o SENHOR Deus.

[36]Dála mar a dhaor mé bhur n-aithreacha san fhásach i dtír na hÉigipte, daorfaidh mé sibhse mar an gcéanna - an Tiarna Dia a labhraíonn.

[37] Far-vos-ei passar debaixo do meu cajado e vos sujeitarei à disciplina da aliança;

[37]Tabharfaidh mé oraibh siúl faoi mo shlat; tabharfaidh mé sibh faoi chuing an chonartha.

[38] separarei dentre vós os rebeldes e os que transgrediram contra mim; da terra das suas moradas eu os farei sair, mas não entrarão na terra de Israel; e sabereis que eu sou o SENHOR.

[39] Quanto a vós outros, vós, ó casa de Israel, assim diz o SENHOR Deus: Ide; cada um sirva aos seus ídolos, agora e mais tarde, pois que a mim não me quereis ouvir; mas não profaneis mais o meu santo nome com as vossas dádivas e com os vossos ídolos.

[40] Porque no meu santo monte, no monte alto de Israel, diz o SENHOR Deus, ali toda a casa de Israel me servirá, toda, naquela terra; ali me agradarei deles, ali requererei as vossas ofertas e as primícias das vossas dádivas, com todas as vossas coisas santas.

[41] Agradar-me-ei de vós como de aroma suave, quando eu vos tirar dentre os povos e vos congregar das terras em que andais espalhados; e serei santificado em vós perante as nações.

[42] Sabereis que eu sou o SENHOR, quando eu vos der entrada na terra de Israel, na terra que, levantando a mão, jurei dar a vossos pais.

[43] Ali, vos lembrareis dos vossos caminhos e de todos os vossos feitos com que vos contaminastes e tereis nojo de vós

[38]Scagfaidh mé na ceannaircigh as bhur measc, iadsan a d'éirigh amach i mo choinne. Tabharfaidh mé amach iad as an tír ina gcónaíonn siad, ach ní bhainfidh siad tír Iosrael amach; agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna.

[39]“Seo mar a deir an Tiarna Dia: Mura toil libh éisteacht liomsa, a mhuintir Iosrael, imígí libh, ní amháin anois ach as seo amach, gach duine agaibh faoi réir bhur n-íol féin. Ach ní thruailleoidh sibh m'ainm naofa níos mó le bhur mbronntanais agus le bhur n-íola.

[40]Óir, ar mo shliabh naofa, ar shliabh ard Iosrael - an Tiarna Dia a labhraíonn - riarfaidh muintir Iosrael go léir orm, gach duine acu atá sa tír. Fáilteoidh mé romhaibh ansin agus beidh mé ag súil le bhur mbronntanais, le togha bhur dtíolacthaí agus bhur n-íobairtí naofa go léir.

[41]Fáilteoidh mé romhaibh amhail roimh bholadh cumhra nuair a thabharfaidh mé sibh as na ciníocha, nuair a chruinneoidh mé sibh as na tíortha inar scaipeadh sibh; agus foilseoidh mé mo naofacht ionaibh os comhair na gciníocha.

[42]Tuigfidh sibh gur mise an Tiarna nuair a thabharfaidh mé go tír Iosrael sibh, an tír a mhionnaigh mé a bhronnadh ar bhur n-aithreacha.

[43]Cuimhneoidh sibh ansin ar bhur mbealaí agus ar bhur ngníomhartha lenar truaillíodh sibh; agus tabharfaidh sibh

mesmos, por todas as vossas iniqüidades que tendes cometido.

[44] Sabereis que eu sou o SENHOR, quando eu proceder para convosco por amor do meu nome, não segundo os vossos maus caminhos, nem segundo os vossos feitos corruptos, ó casa de Israel, diz o SENHOR Deus.

A profecia contra o Sul

[45] Veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[46] Filho do homem, volve o rosto para o Sul e derrama as tuas palavras contra ele; profetiza contra o bosque do campo do Sul

[47] e dize ao bosque do Sul: Ouve a palavra do SENHOR: Assim diz o SENHOR Deus: Eis que acenderei em ti um fogo que consumirá em ti toda árvore verde e toda árvore seca; não se apagará a chama flamejante; antes, com ela se queimarão todos os rostos, desde o Sul até ao Norte.

[48] E todos os homens verão que eu, o SENHOR, o acendi; não se apagará.

[49] Então, disse eu: ah! SENHOR Deus! Eles dizem de mim: Não é ele proferidor de parábolas?

Ezequiel 21

A espada do Senhor

[1] Veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[2] Filho do homem, volve o rosto contra Jerusalém, derrama as tuas palavras contra os santuários e profetiza contra a terra de Israel.

fuath daoibh féin as an uile pheaca dar chleacht sibh.

[44]Tuigfidh sibh ansin gur mise an Tiarna nuair a roinnfidh mé libh ar mhaithe le m'ainm féin, agus ní de réir bhur ndrochimeachtaí ná bhur ndrochnósanna, a mhuintir Iosrael - an Tiarna Dia a labhraíonn."

Eizicéil 21

Claíomh an Tiarna

[1] Tháinig briathar an Tiarna chugam:

[2] "A mhic an duine, iompaigh ó dheas; labhair amach in aghaidh an deiscirt; tairngir in aghaidh fhoraois Neigib.

[3] Abair le foraois Neigib: 'Éist le briathar an Tiarna. Seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, lasfaidh mé tine ionat agus dófaidh sí gach crann glas ionat agus gach crann críon; beidh an tine ina caor domhúchta agus gach aghaidh ruadhóite léi, ón Neigib ó thuaidh.

[4] Feicfidh an uile dhuine gur mise, an Tiarna, a las í; ní mhúchfar í.' "

[5] Ansin dúirt mé: "A Thiarna Dia, tá siad ag rá fúm: 'Nach é an fáthscéalaí é? ' "

[6] Tháinig briathar an Tiarna chugam:

[7] "A mhic an duine, iompaigh i dtreo Iarúsailéim, cuir do mhallacht ar an sanctóir agus tairngir in aghaidh thír Iosrael.

[3] Dize à terra de Israel: Assim diz o SENHOR: Eis que sou contra ti, e tirarei a minha espada da bainha, e eliminarei do meio de ti tanto o justo como o perverso.

[4] Porque hei de eliminar do meio de ti o justo e o perverso, a minha espada sairá da bainha contra todo vivente, desde o Sul até ao Norte.

[5] Saberão todos os homens que eu, o SENHOR, tirei da bainha a minha espada; jamais voltará a ela.

[6] Tu, porém, ó filho do homem, suspira; à vista deles, suspira de coração quebrantado e com amargura.

[7] Quando te perguntarem: Por que suspiras tu? Então, dirás: Por causa das novas. Quando elas vêm, todo coração desmaia, todas as mãos se afrouxam, todo espírito se angustia, e todos os joelhos se desfazem em água; eis que elas vêm e se cumprirão, diz o SENHOR Deus.

[8] Veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:

[9] Filho do homem, profetiza e dize: Assim diz o SENHOR: A espada, a espada está afiada e polida;

[10] afiada para matança, polida para reluzir como relâmpago. Israel diz: Alegremo-nos! O cetro do meu filho despreza qualquer outra madeira.

[8] Abair le tír Iosrael: 'Seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, tá mé i do choinne, nochtfaidh mé mo chlaíomh as a thruaill agus maróidh mé idir fhíréan agus chiontach.

[9] Tarraingeoidh mé mo chlaíomh as a thruaill leis an bhfíréan agus an ciontach a leagan, ón Neigib ó thuaidh.

[10] Tuigfidh gach duine gur mise, an Tiarna, a tharraing a chlaíomh as a thruaill; ní chuirfear ar ais ann arís é.'

[11] "Lig ochón asat, a mhic an duine; lig ochón cráite agus caoineadh goirt asat ina láthair siúd.

[12] Agus ar do cheistiú acu: 'Cad chuige an mhairg? ', freagroidh tú: 'Mar gheall ar an drochscéala. Nuair a thiocfaidh sé, caillfidh an uile chroí a mhisneach agus an uile lámh a neart; titfidh gach spiorad i bhfanntais agus gach glúin in ísle brí. Tá sé buailte linn agus rachaidh chun críche - an Tiarna Dia a labhraíonn.' "

[13] Tháinig briathar an Tiarna chugam:

[14] "A mhic an duine, tairngir agus abair: Seo mar a deir an Tiarna Dia. Abair: An claíomh! An claíomh! Tá faobhar agus snas ar an gclaíomh.

[15] An faobhar don ár, an snas don drithliú. An cúis áthais é seo againn gur dhíspeag sibh ríshlat mo mhic amhail gach sórt crainn?

[11] Mas Deus responde: Deu-se a espada a polir, para ser manejada; ela está afiada e polida, para ser posta na mão do matador.
[12] Grita e geme, ó filho do homem, porque ela será contra o meu povo, contra todos os príncipes de Israel. Estes, juntamente com o meu povo, estão entregues à espada; dá, pois, pancadas na tua coxa.

[13] Pois haverá uma prova; e que haverá, se o próprio cetro que desprezou a todos não vier a subsistir? – diz o SENHOR Deus.

[14] Tu, pois, ó filho do homem, profetiza e bate com as palmas uma na outra; duplique a espada o seu golpe, triplique-o a espada da matança, da grande matança, que os rodeia;
[15] para que desmaie o seu coração, e se multiplique o seu tropeçar junto a todas as portas. Faço reluzir a espada. Ah! Ela foi feita para ser raio e está afiada para matar.
[16] Ó espada, vira-te, com toda a força, para a direita, vira-te para a esquerda, para onde quer que o teu rosto se dirigir.
[17] Também eu baterei as minhas palmas uma na outra e desafogarei o meu furor; eu, o SENHOR, é que falei.

[18] Veio a mim a palavra do SENHOR, dizendo:
[19] Tu, pois, ó filho do homem, propõe dois caminhos por onde venha a espada do rei da Babilônia; ambos procederão da mesma terra; põe neles marcos indicadores, põe-nos na entrada do caminho para a cidade.

[16] Snasaítear é chun úsáide; faobhraítear agus snasaítear é lena chur i láimh an mharfóra.
[17] Lig uaill agus olagón asat, a mhic an duine. Tá sé i ndán do mo phobal, do phrionsaí uile Iosrael mar aon le mo phobal, atá tugtha suas don chlaíomh. Buail do cheathrú dá bhrí sin,
[10] Não trarão lenha do campo, nem a cortarão dos bosques, mas com as armas acenderão fogo; saquearão aos que os saquearam e despojarão aos que os despojaram, diz o SENHOR Deus.

[3]Buailfidh mé an bogha as do láimh chlé agus tabharfaidh mé ar na saigheada titim ó do láimh dheis.

[4]Marófar thú ar shléibhte Iosrael, tú féin, do shlua uile agus na ciníocha leat. Tabharfaidh mé suas mar bhia thú d'éin chreiche de gach sórt agus d'ainmhithe allta.

[5]Titfidh tú ar an machaire lom. Mise a dúirt - an Tiarna Dia a labhraíonn.

[6]Seolfaidh mé tine ar Mhagóg agus orthu san a chónaíonn faoi shuaimhneas sna hinsí, agus tuigfidh siad gur mise an Tiarna.

[7]Féachfaidh mé chuige go n-aithneofar m'ainm naofa i measc mo phobail, Iosrael; agus ní cheadóidh mé níos mó m'ainm naofa a thruailliú. Tuigfidh na ciníocha gur mise an Tiarna, an Neach Naofa in Iosrael.

[8]“Féach, titfidh seo amach, tá sé ar tí titim amach - an Tiarna Dia a labhraíonn. Sin é an lá ar ar labhair mé.

[9]Rachaidh an mhuintir a chónaíonn i mbailte Iosrael amach agus cuirfidh siad na hairm seo trí thine, na lúireacha agus na cruinnsciatha, na boghanna agus na saigheada, na bataí agus na sleánna. Lasfaidh an tine leo ar feadh seacht mbliana,

[10]ionas nach mbeidh orthu connadh a chuardach faoin tuath ná a ghearradh sa choill; óir beidh ábhar tine acu sna hairm. Creachfaidh siad lucht a gcreiche agus

sladfaidh siad lucht a slada féin - an Tiarna Dia a labhraíonn.

O sepultamento das hordas de Gogue

[11] Naquele dia, darei ali a Gogue um lugar de sepultura em Israel, o vale dos Viajantes, ao oriente do mar; espantar-se-ão os que por ele passarem. Nele, sepultarão a Gogue e a todas as suas forças e lhe chamarão o vale das Forças de Gogue.

[11]“An lá sin tabharfaidh mé do Ghóg ionad adhlactha in Iosrael, Gleann na nAbaraím soir ón bhfarraige. Coiscfidh sé lucht taistil de bhrí go mbeidh Góg agus a shlua uile curtha ann. Gleann Hamón Góg an t-ainm a bheidh air.

[12] Durante sete meses, estará a casa de Israel a sepultá-los, para limpar a terra.

[12]Glacfaidh sé seacht mí ag muintir Iosrael iad a chur agus an tír a ghlanadh.

[13] Sim, todo o povo da terra os sepultará; ser-lhes-á memorável o dia em que eu for glorificado, diz o SENHOR Deus.

[13]Adhlacfaidh muintir uile na tíre iad agus gheobhaidh siad onóir dá bharr an lá a thaispeánfaidh mise mo ghlóir - an Tiarna Dia a labhraíonn.

[14] Serão separados homens que, sem cessar, percorrerão a terra para sepultar os que entre os transeuntes tenham ficado nela, para a limpar; depois de sete meses, iniciarão a busca.

[14]Beidh fir a roghnófar d'aonghnó chun dul suas síos tríd an tír á n-adhlacadh siúd a fágadh ar an talamh, agus ag glanadh na tíre. Beidh siad ag cuardach ar feadh seacht mí.

[15] Ao percorrerem eles a terra, a qual atravessarão, em vendo algum deles o osso de algum homem, porá ao lado um sinal, até que os enterradores o sepultem no vale das Forças de Gogue.

[15]Agus ar a mbealach dóibh tríd an tír, má fheiceann aon duine acu cnámha duine, cuirfidh sé comhartha in aice leo nó go gcuirfidh an lucht adhlactha iad i nGleann Hamón Góg. -

[16] Também o nome da cidade será o das Forças. Assim, limparão a terra.

[16]Hamóná ainm an bhaile san áit sin - agus is mar sin a ghlanfaidh siad an tír.

O grande sacrifício do Senhor

[17] Tu, pois, ó filho do homem, assim diz o SENHOR Deus: Dize às aves de toda espécie e a todos os animais do campo: Ajuntai-vos e vinde, ajuntai-vos de toda parte para o meu sacrifício, que eu oferecerei por vós, sacrifício grande nos

[17]“A mhic an duine, seo mar a deir an Tiarna Dia: Labhair le gach sórt éin agus leis an uile ainmhí sa mhachaire: Tionólaigí agus tagaigí anseo, tagaigí le chéile i gcomhair an fhéasta íobartha atá mé a ullmhú daoibh, féasta mór íobartha

montes de Israel; e comereis carne e bebereis sangue.

18 Comereis a carne dos poderosos e bebereis o sangue dos príncipes da terra, dos carneiros, dos cordeiros, dos bodes e dos novilhos, todos engordados em Basã.

19 Do meu sacrifício, que oferecerei por vós, comereis a gordura até vos fartardes e bebereis o sangue até vos embriagardes.

20 À minha mesa, vós vos fartareis de cavalos e de cavaleiros, de valentes e de todos os homens de guerra, diz o SENHOR Deus.

21 Manifestarei a minha glória entre as nações, e todas as nações verão o meu juízo, que eu tiver executado, e a minha mão, que sobre elas tiver descarregado.

22 Desse dia em diante, os da casa de Israel saberão que eu sou o SENHOR, seu Deus.

23 Saberão as nações que os da casa de Israel, por causa da sua iniqüidade, foram levados para o exílio, porque agiram perfidamente contra mim, e eu escondi deles o rosto, e os entreguei nas mãos de seus adversários, e todos eles caíram à espada.

24 Segundo a sua imundícia e as suas transgressões, assim me houve com eles e escondi deles o rosto.

25 Portanto, assim diz o SENHOR Deus: Agora, tornarei a mudar a sorte de Jacó e me compadecerei de toda a casa de Israel; terei zelo pelo meu santo nome.

ar shléibhte Iosrael ina n-íosfaidh sibh feoil agus ina n-ólfaidh sibh fuil.

18Íosfaidh sibh feoil na ngaiscíoch agus ólfaidh fuil phrionsaí an domhain; reithí agus uain, gabhair agus tairbh iad, agus iad uile dea-chothaithe i mBáiseán.

19Íosfaidh sibh saill go mbeidh sibh lán, ólfaidh sibh fuil go mbeidh sibh ar meisce ag an bhféasta íobartha seo a ullmhaím daoibh.

20Líonfar sibh go béal ag mo thábla le capaill agus marcaigh, le gaiscígh agus le curaidh de gach sórt - an Tiarna Dia a labhraíonn."

Muintir Iosrael sa Bhaile Arís

21"Seo mar a léireoidh mé mo ghlóir do na ciníocha, agus feicfidh na ciníocha uile an breithiúnas a thug mé agus an lámh a leag mé orthu.

22Tuigfidh muintir Iosrael gur mise a dTiarna Dia ón lá sin amach.

23Tuigfidh na ciníocha gur seoladh muintir Iosrael i mbraighdeanas de bharr a bpeaca, de bhrí gur imir siad chomh fealltach liom gur iompaigh mé m'aghaidh uathu agus gur thug mé suas dá naimhde iad; agus gur thit siad uile leis an gclaíomh.

24D'imir mé leo de réir mar bhí tuillte acu mar gheall ar a bpeacaí gránna agus a gcionta agus d'iompaigh mé m'aghaidh uathu.

25"Uime sin, seo mar a deir an Tiarna Dia: Tá mé anois chun Iacób a thabhairt ar ais ó bhraighdeanas agus chun trócaire a

dhéanamh ar mhuintir Iosrael uile agus beidh éad orm faoi m'ainm naofa.

[26] Esquecerão a sua vergonha e toda a perfídia com que se rebelaram contra mim, quando eles habitarem seguros na sua terra, sem haver quem os espante,

[26]Déanfaidh siad dearmad den náire agus den fheall go léir a chleacht siad liom agus iad ina suí go suaimhneach ina dtír féin gan eagla.

[27] quando eu tornar a trazê-los de entre os povos, e os houver ajuntado das terras de seus inimigos, e tiver vindicado neles a minha santidade perante muitas nações.

[27]Nuair a thabharfaidh mé abhaile iad as na ciníocha agus a bhaileoidh mé iad ó thíortha a naimhde, nuair a léireoidh mé mo naofacht tríothu os comhair a lán ciníocha,

[28] Saberão que eu sou o SENHOR, seu Deus, quando virem que eu os fiz ir para o cativeiro entre as nações, e os tornei a ajuntar para voltarem à sua terra, e que lá não deixarei a nenhum deles.

[28]tuigfidh siad gur mise, an Tiarna, a nDia; óir chuir mé ar díbirt iad i measc na gciníocha agus ansin bhailigh mé le chéile iad ina dtír féin, gan aon duine fágtha i measc na gciníocha a thuilleadh.

[29] Já não esconderei deles o rosto, pois derramarei o meu Espírito sobre a casa de Israel, diz o SENHOR Deus.

[29]Ní iompóidh mé m'aghaidh uathu arís nuair a dhoirtfidh mé mo spiorad amach ar mhuintir Iosrael - an Tiarna Dia a labhraíonn."

Ezequiel 40

A visão do templo

[1] No ano vigésimo quinto do nosso exílio, no princípio do ano, no décimo dia do mês, catorze anos após ter caído a cidade, nesse mesmo dia, veio sobre mim a mão do SENHOR, e ele me levou para lá.

[2] Em visões, Deus me levou à terra de Israel e me pôs sobre um monte muito alto; sobre este havia um como edifício de cidade, para o lado sul.

[3] Ele me levou para lá, e eis um homem cuja aparência era como a do bronze;

Eizicéil 40

An tIosrael Nua
An Teampall Nua

[1]Sa chúigiú bliain is fiche dár mbraighdeanas, ag tús na bliana, ar an deichiú lá den mhí, ceithre bliana déag tar éis scrios na cathrach, bhí lámh an Tiarna orm.

[2]I bhfís ó Dhia thug sé leis mé go tír Iosrael agus leag síos mé ar shliabh an-ard a raibh mar a bheadh cathair ó dheas uaidh.

[3]Thug sé ansin mé agus, féach, bhí fear ann a raibh cuma práis air. Bhí corda lín

estava de pé na porta e tinha na mão um cordel de linho e uma cana de medir.

agus slat tomhais ina láimh aige agus é ina sheasamh sa gheata.

[4] Disse-me o homem: Filho do homem, vê com os próprios olhos, ouve com os próprios ouvidos; e põe no coração tudo quanto eu te mostrar, porque para isso foste trazido para aqui; anuncia, pois, à casa de Israel tudo quanto estás vendo.

[4]Dúirt an fear liom: "A mhic an duine, féach go grinn, éist go haireach agus leag d'intinn ar a dtaispeánfaidh mé duit. Óir is chun go dtaispeánfainn duit é a tugadh anseo thú. Foilsigh a bhfeiceann tú do mhuintir Iosrael."

[5] Vi um muro exterior que rodeava toda a casa e, na mão do homem, uma cana de medir, de seis côvados, cada um dos quais media um côvado e quatro dedos. Ele mediu a largura do edifício, uma cana; e a altura, uma cana.

[5]Féach, bhí balla thart timpeall an Teampaill ar fad lasmuigh agus i láimh an fhir bhí slat tomhais a bhí sé bhanlámh ar fad - banlámh ar chomhfhad le cnámh rí agus leithead boise a bhí i gceist. Thomhais sé leithead an bhalla, a bhí slat; agus a airde, a bhí slat.

Geataí an Teampaill

[6] Então, veio à porta que olhava para o oriente e subiu pelos seus degraus; mediu o limiar da porta: uma cana de largura, e o outro limiar: uma cana de largura.

[6]Chuaigh sé go dtí an geata thoir, chuaigh na céimeanna suas agus thomhais tairseach an gheata, a bhí slat ar a dhoimhneas;

[7] Cada câmara tinha uma cana de comprido e uma cana de largura; o espaço entre uma e outra câmara era de cinco côvados; o limiar da porta, junto ao vestíbulo da porta interior, tinha uma cana.

[7]agus na taobhsheomraí, a bhí slat ar fad agus slat ar leithead; agus an spás idir na taobhsheomraí a bhí cúig bhanlámh ar leithead; agus tairseach an gheata isteach ó phóirse an gheata, a bhí slat.

[8] Também mediu o vestíbulo da porta interior: uma cana.

[8]Ansin thomhais sé póirse an gheata, a bhí ocht mbanlámh;

[9] Então, mediu o vestíbulo da porta, que tinha oito côvados; e os seus pilares: dois côvados; o vestíbulo olha do interior da casa para a porta.

[9]agus a ursaineacha, a bhí dhá bhanlámh. Bhí póirse an gheata ar an taobh istigh.

[10] A porta para o lado oriental possuía três câmaras de cada lado, cuja medida era a mesma para cada uma; também os pilares deste lado e do outro mediam o mesmo.

[10]Bhí trí thaobhsheomra ar gach taobh den gheata thoir; bhí na trí cinn ar aon mhiosúr; agus na hursaineacha ar gach taobh bhí siad ar aon mhiosúr.

[11] Mediu mais a largura da entrada da porta, que era de dez côvados; a profundidade da entrada: treze côvados.
[12] O espaço em frente das câmaras era de um côvado, e de um côvado, o espaço do outro lado; cada câmara tinha seis côvados em quadrado.
[13] Então, mediu a porta desde a extremidade do teto de uma câmara até à da outra: vinte e cinco côvados de largura; e uma porta defronte da outra.
[14] Mediu a distância até aos pilares, sessenta côvados, e o átrio se estendia até aos pilares em redor da porta.
[15] Desde a dianteira da porta da entrada até à dianteira do vestíbulo da porta interior, havia cinqüenta côvados.
[16] Havia também janelas com fasquias fixas superpostas para as câmaras e para os pilares, e da mesma sorte, para os vestíbulos; as janelas estavam à roda pela parte de dentro, e nos pilares havia palmeiras esculpidas.
[17] Ele me levou ao átrio exterior; e eis que havia nele câmaras e um pavimento feito no átrio em redor; defronte deste pavimento havia trinta câmaras.
[18] O pavimento ao lado das portas era a par do comprimento das portas; era o pavimento inferior.
[19] Então, mediu a largura desde a dianteira da porta inferior até à dianteira do átrio interior, por fora: cem côvados do lado leste e do norte.

[11]Thomhais sé leithead bhéal an gheata, a bhí deich mbanlámh; agus leithead an gheata tríd síos, a bhí trí bhanlámh déag.
[12]Bhí ráille os comhair na dtaobhsheomraí, a bhí banlámh ar gach taobh; agus bhí na taobhsheomraí sé bhanlámh ar gach taobh.
[13]Ansin thomhais sé an geata ó [chúl] taobhsheomra amháin go [cúl] taobhsheomra eile; bhí sé cúig bhanlámh is fiche ar leithead ó dhoras go doras.
[14]Thomhais sé an póirse, a bhí fiche banlámh; in aice leis an bpóirse bhí an chúirt sheachtrach.
[15]Ó dhul isteach an gheata fad leis an bpóirse istigh bhí caoga banlámh.
[16]Ar gach taobh den gheata bhí fuinneoga spréite, sna taobhsheomraí agus sna spásanna eatarthu, agus mar an gcéanna bhí fuinneoga thart timpeall an phóirse agus crainn phailme ar na hursaineacha.
[17]Thug sé isteach mé ansin sa chúirt sheachtrach a raibh seomraí ann agus pábháil thart timpeall na cúirte; tríocha seomra ar aghaidh na pábhála.
[18]An phábháil a shín leis na geataí agus a bhí ar aon fhad leo, sin an phábháil íochtarach.
[19]Thomhais sé ansin ón taobh istigh den gheata íochtarach go dtí an taobh amuigh den chúirt inmheánach, bhí sé céad banlámh soir agus ó thuaidh.

[20] Quanto à porta que olhava para o norte, no átrio exterior, ele mediu o seu comprimento e a sua largura.

[20]Thomhais sé geata thuaidh na cúirte seachtraí ar a fhad agus ar a leithead.

[21] As suas câmaras, três de um lado e três do outro, e os seus pilares, e os seus vestíbulos eram da medida do primeiro vestíbulo; de cinqüenta côvados era o seu comprimento, e a largura, de vinte e cinco côvados.

[21]Bhí trí thaobhsheomra ann ar gach taobh; bhí na hursaineacha agus an póirse ar aon mhiosúr leo siúd ag an gcéad gheata, caoga banlámh ar fad agus cúig bhanlámh is fiche ar leithead.

[22] As suas janelas, e os seus vestíbulos, e as suas palmeiras eram da medida da porta que olhava para o oriente; subia-se para ela por sete degraus, e o seu vestíbulo estava diante dela.

[22]Bhí a fhuinneoga, a phóirse agus a chrainn phailme ar aon mhiosúr leo siúd ag an ngeata thoir. Bhí seacht gcéim ag dul suas chuige agus bhí a phóirse ar an taobh istigh.

[23] Essa porta do átrio interior estava defronte tanto da porta do norte como da do oriente; e mediu, de porta a porta, cem côvados.

[23]Sa chúirt inmheánach os comhair an gheata thuaidh bhí geata mar a bhí os comhair an gheata thoir. Thomhais sé ó gheata go geata; bhí sé céad banlámh.

[24] Então, ele me levou para o lado sul, e eis que havia ali uma porta que olhava para o sul; e mediu os seus pilares e os seus vestíbulos, que tinham as mesmas dimensões.

[24]Thug sé ansin mé ó dheas mar a raibh geata ag oscailt ó dheas. Thomhais sé na hursaineacha agus an póirse ann; bhí siad ar aon mhiosúr leis na cinn eile.

[25] Havia também janelas em redor dos seus vestíbulos, como as outras janelas; cinqüenta côvados, o comprimento do vestíbulo, e a largura, vinte e cinco côvados.

[25]Bhí fuinneoga thart timpeall air agus sa phóirse amhail fuinneoga an chinn eile; bhí sé caoga banlámh ar fad agus cúig bhanlámh is fiche ar leithead.

[26] De sete degraus eram as suas subidas, e os seus vestíbulos estavam diante deles; e tinha palmeiras esculpidas, uma de um lado e outra do outro, nos seus pilares.

[26]Bhí seacht gcoiscéim ag dul suas chuige, bhí an póirse ar an taobh istigh agus crainn phailme ar na hursaineacha, ceann ar gach taobh.

[27] Também havia uma porta no átrio interior para o sul; e mediu, de porta a porta, para o sul, cem côvados.

[27]Bhí geata ó dheas sa chúirt inmheánach; thomhais sé ó gheata go geata ó dheas, bhí sé céad banlámh.

[28] Então, me levou ao átrio interior pela porta do sul; e mediu a porta do sul, que tinha as mesmas dimensões.

[29] As suas câmaras, e os seus pilares, e os seus vestíbulos eram segundo estas medidas; e tinham também janelas ao redor dos seus vestíbulos; o comprimento do vestíbulo era de cinqüenta côvados, e a largura, de vinte e cinco côvados.

[30] Havia vestíbulos em redor; o comprimento era de vinte e cinco côvados, e a largura, de cinco côvados.

[31] Os seus vestíbulos olhavam para o átrio exterior, e havia palmeiras nos seus pilares; e de oito degraus eram as suas subidas.

[32] Depois, me levou ao átrio interior, para o oriente, e mediu a porta, que tinha as mesmas dimensões.

[33] Também as suas câmaras, e os seus pilares, e os seus vestíbulos, segundo estas medidas; havia também janelas em redor dos seus vestíbulos; o comprimento do vestíbulo era de cinqüenta côvados, e a largura, de vinte e cinco côvados.

[34] Os seus vestíbulos olhavam para o átrio exterior; também havia palmeiras nos seus pilares, de um e de outro lado; e eram as suas subidas de oito degraus.

[35] Então, me levou à porta do norte e a mediu; tinha as mesmas dimensões.

[36] Também as suas câmaras, e os seus pilares, e os seus vestíbulos, e as suas janelas em redor; o comprimento do

[28]Thug sé isteach mé ansin sa chúirt inmheánach tríd an ngeata theas. Thomhais sé an geata theas agus bhí sé ar aon mhiosúr leis na cinn eile.

[29]A thaobhsheomraí, a ursaineacha agus a phóirse bhí siad uile ar aon mhiosúr leis na cinn eile. Bhí fuinneoga thart timpeall air agus sa phóirse ann; bhí sé caoga banlámh ar fad agus cúig bhanlámh is fiche ar leithead.

[30]Bhí póirsí thart timpeall, cúig bhanlámh is fiche ar fad agus cúig bhanlámh ar leithead.

[31]Bhí a phóirse ar aghaidh na cúirte seachtraí, bhí crainn phailme ar a ursaineacha agus ocht gcéim ag dul suas chuige.

[32]Thug sé ansin go dtí [an geata thoir] mé. Thomhais sé an geata; bhí sé ar aon mhiosúr leis na cinn eile.

[33]A thaobhsheomraí, a ursaineacha agus a phóirse bhí siad uile ar aon mhiosúr leis na cinn eile. Bhí fuinneoga thart timpeall air agus sa phóirse ann; bhí sé caoga banlámh ar fad agus cúig bhanlámh is fiche ar leithead.

[34]Bhí a phóirse ar aghaidh na cúirte seachtraí, bhí crainn phailme ar na hursaineacha, ceann ar gach taobh, agus ocht gcéim ag dul suas chuige.

[35]Thug sé go dtí an geata thuaidh mé. Thomhais sé é:

[36]bhí sé ar aon mhiosúr leis na cinn eile. Bhí a thaobhsheomraí, a ursaineacha agus a phóirse [ar aon mhiosúr leis na cinn

vestíbulo era de cinqüenta côvados, e a largura, de vinte e cinco côvados.

[37] Os seus pilares olhavam para o átrio exterior; também havia palmeiras nos seus pilares, de um e de outro lado; e eram as suas subidas de oito degraus.

[38] A sua câmara e a sua entrada estavam junto aos pilares dos vestíbulos onde lavavam o holocausto.

[39] No vestíbulo da porta havia duas mesas de um lado e duas do outro, para nelas se degolar o holocausto e a oferta pelo pecado e pela culpa.

[40] Também do lado de fora da subida para a entrada da porta do norte havia duas mesas; e, no outro lado do vestíbulo da porta, havia duas mesas.

[41] Quatro mesas de um lado, e quatro do outro lado; junto à porta, oito mesas, sobre as quais imolavam.

[42] As quatro mesas para o holocausto eram de pedras lavradas; o comprimento era de um côvado e meio, a largura, de um côvado e meio, e a altura, de um côvado; sobre elas se punham os instrumentos com que imolavam o holocausto e os sacrifícios.

[43] Os ganchos, de quatro dedos de comprimento, estavam fixados por dentro ao redor, e sobre as mesas estava a carne da oblação.

[44] Fora da porta interior estavam duas câmaras dos cantores, no átrio de dentro;

éile]. Bhí fuinneoga thart timpeall air: bhí sé caoga banlámh ar fad agus cúig bhanlámh is fiche ar leithead.

[37]Bhí a phóirse ar aghaidh na cúirte seachtraí, bhí crainn phailme ar a ursaineacha, ceann ar gach taobh, agus ocht gcéim ag dul suas chuige.

Seomraí an Teampaill

[38]Bhí seomra a raibh bealach isteach ann ó phóirse an gheata, áit a nídís an íobairt dhóite.

[39]I bpóirse an gheata bhí dhá thábla ar gach taobh le haghaidh marú na híobartha dóite, íobairt an pheaca agus íobairt an chúitimh.

[40]Ag dul isteach ag an ngeata thuaidh bhí dhá thábla; agus ar an taobh eile den phóirse ag an ngeata bhí dhá thábla.

[41]Bhí ceithre thábla taobh istigh agus ceithre thábla taobh amuigh den phóirse; ocht dtábla ar fad ar a maraídís na híobairtí.

[42]Bhí fosta ceithre thábla de chlocha snoite do na híobairtí dóite, a bhí banlámh go leith ar fad, banlámh go leith ar leithead agus banlámh ar airde, ar a gcuirtí na gréithre go léir le haghaidh marú na n-íobairtí dóite agus na n-ofrálacha.

[43]Bhí crúcaí i ngreim timpeall laistigh agus leithead boise d'fhad iontu. Chuirtí feoil na híobartha ar na táblaí sin.

[44]Thug sé ansin mé isteach sa chúirt inmheánach. Bhí dhá sheomra sa chúirt

uma, do lado da porta do norte, e olhava para o sul; outra, do lado da porta do sul, e olhava para o norte.

[45] Ele me disse: Esta câmara que olha para o sul é para os sacerdotes que têm a guarda do templo.

[46] Mas a câmara que olha para o norte é para os sacerdotes que têm a guarda do altar; são estes os filhos de Zadoque, os quais, dentre os filhos de Levi, se chegam ao SENHOR para o servirem.

[47] Ele mediu o átrio: comprimento, cem côvados, largura, cem côvados, um quadrado; o altar estava diante do templo.

[48] Então, me levou ao vestíbulo do templo e mediu cada pilar do vestíbulo, cinco côvados de um lado e cinco do outro; e a largura da porta, três côvados de um lado e três do outro.

[49] O comprimento do vestíbulo era de vinte côvados, e a largura, de onze; e era por degraus que se subia. Havia colunas junto aos pilares, uma de um lado e outra do outro.

Ezequiel 41

[1] Então, me levou ao templo e mediu os pilares, seis côvados de largura de um lado e seis de largura do outro, que era a largura do tabernáculo.

[2] A largura da entrada: dez côvados; os lados da entrada: cinco côvados de um lado e cinco do outro; também mediu a

inmheánach, [ceann] ag taobh an gheata thuaidh ag féachaint ó dheas agus an ceann eile ag taobh an gheata theas ag féachaint ó thuaidh.

[45]Ar seisean liom: “An seomra seo a fhéachann ó dheas is do shagairt an Teampaill é;

[46]do shagairt na haltóra an seomra a fhéachann ó thuaidh. Mic Zádóc iad, an t-aon dream de mhic Léiví a thagann i ngar don Tiarna chun freastal air.”

[47]Thomhais sé an chúirt inmheánach. Ba chearnóg í a bhí céad banlámh ar fad agus céad banlámh ar leithead; bhí an altóir os comhair an Teampaill.

[48]Thug sé ansin mé go póirse an Teampaill. Thomhais sé ursaineacha an phóirse; bhí siad cúig bhanlámh ar gach taobh. Bhí an geata isteach ceithre bhanlámh déag ar leithead agus bhí [balla] thrí bhanlámh ar gach taobh de.

[49]Bhí an póirse fiche banlámh ar fad agus dhá bhanlámh déag ar leithead. Bhí deich gcéim ag dul suas chuige agus colúin le hais na n-ursaineacha ar gach taobh.

Eizicéil 41

[1]Thug sé isteach sa halla mé. Thomhais sé na hursaineacha; bhí siad sé bhanlámh ar tiús ar thaobh amháin agus sé bhanlámh ar tiús ar an taobh éile.

[2]Bhí an bealach isteach deich mbanlámh ar leithead. Na ballaí ag dul isteach bhí siad cúig bhanlámh ar thaobh amháin

profundidade da entrada: quarenta côvados, e a largura: vinte côvados.

agus cúig bhanlámh ar an taobh eile. Thomhais sé an halla; bhí sé daichead banlámh ar fad agus fiche banlámh ar leithead.

3 Penetrou e mediu o pilar da entrada: dois côvados, a altura da entrada: seis côvados, e a largura da entrada: sete côvados.

3Isteach leis. Thomhais sé na hursaineacha ag dul isteach, a bhí dhá bhanlámh; ansin an bealach isteach, a bhí sé bhanlámh ar leithead; agus na ballaí ar gach taobh ag dul isteach, a bhí seacht mbanlámh.

4 Também mediu o seu comprimento: vinte côvados, e a largura: vinte côvados, diante do templo, e me disse: Este é o Santo dos Santos.

4Thomhais sé a fhad, a bhí fiche banlámh; agus a leithead thar an halla, a bhí fiche banlámh. Dúirt sé liom ansin: “Is é seo an áit is naofa.”

5 Então, mediu a parede do templo: seis côvados, e a largura de cada câmara lateral: quatro côvados, por todo o redor do templo.

5Thomhais sé balla an Teampaill, a bhí sé bhanlámh ar tiús. Bhí na taobhsheomraí thart timpeall an Teampaill ceithre bhanlámh ar leithead.

6 As câmaras laterais estavam em três andares, câmara sobre câmara, trinta em cada andar; e havia reentrâncias na parede do templo ao redor, para as câmaras laterais, para que as vigas se apoiassem nelas e não fossem introduzidas na parede do templo.

6Bhí tríocha taobhsheomraí ann ar trí urlár, gach ceann os cionn a chéile. Na taobhsheomraí thart timpeall fuair siad tacaíocht ó bhallaí an Teampaill taobh amuigh ionas nach mbeidís sáite i mballa an Teampaill.

7 As câmaras laterais aumentavam em largura de andar para andar, correspondendo às reentrâncias do templo de andar em andar ao redor; daí ter o templo mais largura em cima. Assim, se subia do andar inferior para o superior pelo intermediário.

7Mhéadaigh ar leithead na dtaobhsheomraí ó urlár go hurlár de réir méadú na tacaíochta ar an taobh amuigh ó urlár go hurlár. Ar thaobh an Teampaill bhí staighre ag dul suas agus ba é seo an dóigh a ndeachaigh duine ón urlár in íochtar go dtí an t-urlár ar barr tríd an urlár láir.

8 E vi um pavimento elevado ao redor do templo; eram os fundamentos das câmaras

8Chonaic mé ansin go raibh pábháil thart timpeall an Teampaill. Ba é bunsraith na

laterais de uma cana inteira, isto é, de seis côvados de altura.

[9] A grossura da parede das câmaras laterais de fora era de cinco côvados; e a área aberta entre as câmaras laterais, que estavam junto ao templo

[10] e às células, tinha a largura de vinte côvados por todo o redor do templo.

[11] As entradas das câmaras laterais estavam voltadas para a área aberta: uma entrada para o norte e outra para o sul; a largura da área aberta era de cinco côvados em redor.

[12] O edifício que estava numa área separada, do lado ocidental, tinha a largura de setenta côvados; a parede do edifício era de cinco côvados de largura em redor, e o seu comprimento, de noventa côvados.

[13] Assim, mediu o templo: cem côvados de comprimento, como também a área separada, o edifício e as suas paredes: cem côvados de comprimento.

[14] A largura da frente oriental do templo e da área separada, de uma e de outra parte: cem côvados.

[15] Também mediu o comprimento do edifício, que estava na área separada e por detrás do templo, e as suas galerias de uma e de outra parte: cem côvados. O templo propriamente dito, o Santíssimo e o vestíbulo do átrio eram apainelados.

[16] As janelas, de fasquias fixas superpostas, estavam ao redor dos três lugares. Dentro,

dtaobhsheomraí é seo agus bhí slat tomhais iomlán sé bhanlámh ann.

[9]Bhí tiús cúig bhanlámh i mballa seachtrach na dtaobh sheomraí agus cúig bhanlámh sa chuid den phábháil a fágadh oscailte.

[10]Idir pábháil an Teampaill agus seomraí na cúirte bhí spás fiche banlámh ar leithead thart timpeall an Teampaill.

[11]Bhí doirse na dtaobhsheomraí ag oscailt ar ar fágadh saor den phábháil, doras ag oscailt ó thuaidh agus doras ag oscailt ó dheas. An phábháil a fágadh saor bhí sí cúig bhanlámh ar leithead thart timpeall.

[12]An foirgneamh os comhair chlós seo an Teampaill ar an taobh thiar, bhí sé seachtó banlámh ar leithead agus nócha banlámh ar fad, agus bhí tiús cúig bhanlámh i mballa an fhoirgnimh thart timpeall.

[13]Thomhais sé fad an Teampaill, a bhí céad banlámh; agus fad an chlóis agus an foirgneamh lena bhallaí, a bhí céad banlámh;

[14]agus leithead aghaidh an Teampaill agus an chlóis thoir, a bhí céad banlámh.

[15]Thomhais sé fad an fhoirgnimh ar an taobh thiar ar aghaidh an chlóis agus na ballaí ar gach taobh de; bhí siad céad banlámh.

Feisteas an Teampaill

Halla an Teampaill, an seomra inmheánach agus an póirse seachtrach,

[16]bhí tairseacha acu triúr agus fuinneoga laitíse thart timpeall gach ceann acu.

as paredes estavam cobertas de madeira em redor, e isto desde o chão até às janelas, que estavam cobertas.

17 No espaço em cima da porta, e até ao templo de dentro e de fora, e em toda a parede em redor, por dentro e por fora, havia obras de escultura,

18 querubins e palmeiras, de sorte que cada palmeira estava entre querubim e querubim, e cada querubim tinha dois rostos,

19 a saber, um rosto de homem olhava para a palmeira de um lado, e um rosto de leãozinho, para a palmeira do outro lado; assim se fez pela casa toda ao redor.

20 Desde o chão até acima da entrada estavam feitos os querubins e as palmeiras, como também pela parede do templo.

21 As ombreiras do templo eram quadradas, e, no tocante à entrada do Santo dos Santos, era esta da mesma aparência.

22 O altar de madeira era de três côvados de altura, e o seu comprimento, de dois côvados; os seus cantos, a sua base e as suas paredes eram de madeira; e o homem me disse: Esta é a mesa que está perante o SENHOR.

23 O templo e o Santíssimo, ambos tinham duas portas.

24 Havia duas folhas para as portas, duas folhas dobráveis; duas para cada porta.

Thart faoin tairseach bhí an Teampall painéalta le hadhmad ón urlár go dtí na fuinneoga; ba fhuinneoga laitíse iad.

17Ón doras isteach go dtí an seomra inmheánach agus thart timpeall bhalla an tseomra inmheánaigh taobh amuigh agus taobh istigh,

18bhí ceiribíní agus crainn phailme snoite, ceiribín agus crann pailme gach re ceann. Bhí dhá aghaidh ar gach ceiribín,

19aghaidh duine os comhair an chrainn phailme ar thaobh amháin agus aghaidh leoin os comhair an chrainn phailme ar an taobh eile, agus iad snoite thart timpeall an Teampaill ar fad.

20Bhí na ceiríbíní agus na crainn phailme snoite ón urlár go dtí os cionn an dorais agus ar an mballa.

21Bhí colúin an halla cearnógach. Os comhair an tsanctóra bhí mar a bheadh

22altóir adhmaid, a bhí trí bhanlámh ar airde, dhá bhanlámh ar fad agus dhá bhanlámh ar leithead. Ba d'adhmad a cúinní, a bun agus a taobhanna. Dúirt sé liom: “Seo é an tábla atá os comhair an Tiarna.”

23Bhí doras dúbailte ar an halla agus doras dúbailte ar an sanctóir.

24Bhí dhá dhuilleog ag na doirse seo, dhá dhuilleog infhillte ag gach ceann acu.

[25] Nelas, isto é, nas portas do templo, foram feitos querubins e palmeiras, como estavam feitos nas paredes, e havia um baldaquino de madeira na frontaria do vestíbulo por fora.

[26] E havia janelas de fasquias fixas superpostas e palmeiras, em ambos os lados do vestíbulo, como também nas câmaras laterais do templo e no baldaquino.

Ezequiel 42

[1] Depois disto, me fez sair para o átrio exterior, para o norte; e me levou às celas que estavam para o norte, opostas ao edifício na área separada, edifício que olha para o norte,

[2] do comprimento de cem côvados, com portas que davam para o norte; e a largura era de cinqüenta côvados.

[3] Em frente dos vinte côvados que pertenciam ao átrio interior, defronte do pavimento que pertencia ao átrio exterior, havia galeria contra galeria em três andares.

[4] Diante das câmaras havia um passeio de dez côvados de largura, do lado de dentro, e cem de comprimento; e as suas entradas eram para o lado norte.

[5] As câmaras superiores eram mais estreitas; porque as galerias tiravam mais espaço destas do que das de baixo e das do meio do edifício.

[6] Porque elas eram de três andares e não tinham colunas como as colunas dos

[25]Ar dhoirse an halla bhí ceiribíní agus crainn phailme snoite mar a bhí ar na ballaí; agus bhí scáthlán adhmaid trasna os comhair an phóirse amuigh.

[26]Bhí fuinneoga laitíse agus crainn phailme ar gach taobh acu ar bhallaí an phóirse agus ar na taobhsheomraí ag taobh an Teampaill agus ar na scáthláin.

Eiziceíl 42

Na Seomraí Taobh Amuigh

[1]Thug sé ó thuaidh mé isteach sa chúirt inmheánach, go dtí na seomraí ar aghaidh na cúirte seachtraí [ar an taobh thuaidh] den fhoirgneamh.

[2]Bhí siad céad banlámh ar fad, ag dul ó thuaidh, agus caoga banlámh ar leithead.

[3]In aon líne leis na fiche banlámh a bhain leis an gcúirt inmheánach agus os comhair na pábhála a bhain leis an gcúirt sheachtrach bhí áiléar os comhair áiléir, trí urlár acu.

[4]Bhí cosán isteach os comhair na seomraí a bhí deich mbanlámh ar leithead agus céad banlámh ar fad; d'oscail na doirse ó thuaidh.

[5]Na seomraí in uachtar bhí siad níba chúinge de bharr na n-áiléar a thóg níos mó spáis uathu ná mar thóg ó na seomraí i lár agus in íochtar an fhoirgnimh.

[6]Bhí siad seo roinnte i dtrí urlár agus ní raibh colúin acu mar bhí sa chúirt

átrios; por isso, as superiores eram mais estreitas do que as de baixo e as do meio.

[sheachtrach]. Uime sin bhí siad níba chúinge siar ná na seomraí in íochtar nó sa lár.

7 O muro que estava por fora, defronte das câmaras, no caminho do átrio exterior, diante das câmaras, tinha cinqüenta côvados de comprimento.

7Bhí balla amuigh in aon treo leis na seomraí, os a gcoinne agus ar aghaidh na cúirte seachtraí; bhí sé caoga banlámh ar fad.

8 Pois o comprimento das câmaras, que estavam no átrio exterior, era de cinqüenta côvados; e eis que defronte do templo havia cem côvados.

8Bhí na seomraí ar aghaidh na cúirte seachtraí caoga banlámh ar fad, agus na cinn ar aghaidh an Teampaill, bhí siad céad banlámh.

9 Da parte de baixo destas câmaras, estava a entrada do lado do oriente, quando se entra nelas pelo átrio exterior.

9Faoi na seomraí seo bhí bealach isteach anoir ón gcúirt sheachtrach.

10 Do muro do átrio para o oriente, diante do edifício na área separada, havia também celas

10I dtiús bhalla na cúirte [theas] ar aghaidh na cúirte agus an fhoirgnimh, bhí seomraí.

11 e um passeio; tinham a feição das celas que olhavam para o norte, e o mesmo comprimento, e a mesma largura, e ainda as mesmas saídas, e o mesmo arranjo; como eram as suas entradas,

11Bhí cosán rompu amach mar a bhí ó na seomraí thuaidh; bhí siad ar aon fhad agus ar aon leithead, agus an déanamh céanna orthu, doirse amach is isteach.

12 assim eram as das celas que olhavam para o sul, no princípio do caminho, a saber, o caminho bem defronte do muro para o oriente, para quem por elas entra.

12Faoi na seomraí ar an taobh theas bhí bealach isteach i dtreo an chrosbhalla, mar a dtéann duine isteach ón taobh thoir.

13 Então, o homem me disse: As câmaras do norte e as câmaras do sul, que estão diante da área separada, são câmaras santas, em que os sacerdotes, que se chegam ao SENHOR, comerão e onde depositarão as coisas santíssimas, isto é, as ofertas de manjares e as pelo pecado e pela culpa; porque o lugar é santo.

13Dúirt sé liom: “Na seomraí thuaidh agus na seomraí theas os comhair an chlóis, is seomraí naofa iad, ina n-íosfaidh na sagairt a thagann i láthair an Tiarna na nithe rónaofa. Ansin a chuirfidh siad na nithe rónaofa - an íobairt dhóite, íobairt an pheaca agus íobairt an chúitimh - mar is áit naofa é seo.

[14] Quando os sacerdotes entrarem, não sairão do santuário para o átrio exterior, mas porão ali as vestiduras com que ministraram, porque elas são santas; usarão outras vestiduras e assim se aproximarão do lugar destinado ao povo.

[15] Acabando ele de medir o templo interior, ele me fez sair pela porta que olha para o oriente; e mediu em redor.

[16] Mediu o lado oriental com a cana de medir: quinhentas canas ao redor.

[17] Mediu o lado norte: quinhentas canas ao redor.

[18] Mediu também o lado sul: quinhentas canas.

[19] Voltou-se para o lado ocidental e mediu quinhentas canas.

[20] Mediu pelos quatro lados; havia um muro em redor, de quinhentas canas de comprimento e quinhentas de largura, para fazer separação entre o santo e o profano.

[14]Nuair a rachaidh na sagairt isteach ann ní imeoidh siad ón áit naofa chuig an chúirt sheachtrach gan éide an liotúirge a fhágáil ansin, mar is naofa í an éide seo. Cuirfidh siad éadaí eile orthu féin sula rachaidh siad in áiteanna a bhaineann leis an bpobal.”

[15]Nuair a chríochnaigh sé tomhas an Teampaill istigh thug sé amach chuig an geata thoir mé agus thomhais sé spás an Teampaill thart timpeall.

[16]Thomhais sé an taobh thoir lena shlat tomhais; bhí sé cúig chéad banlámh de réir a shlat tomhais.

[17]Thomhais sé ansin an taobh thuaidh; bhí sé cúig chéad banlámh de réir a shlat tomhais.

[18]Thomhais sé an taobh theas; bhí sé cúig chéad banlámh de réir a shlat tomhais.

[19]Thomhais sé an taobh thiar; bhí sé cúig chéad banlámh de réir a shlat tomhais.

[20]Thomhais sé a cheithre thaobh; bhí siad cúig chéad banlámh ar fad agus cúig chéad banlámh ar leithead. Bhí balla thart timpeall air a scar an áit naofa ón áit choitianta.

Ezequiel 43

A glória do Senhor enche o templo

[1] Então, o homem me levou à porta, à porta que olha para o oriente.

[2] E eis que, do caminho do oriente, vinha a glória do Deus de Israel; a sua voz era como o ruído de muitas águas, e a terra resplandeceu por causa da sua glória.

Eizicéil 43

Filleadh an Tiarna

[1]Thug sé ansin mé go dtí an geata, an ceann a fhéachann soir.

[2]Féach, tháinig glóir Dhia Iosrael anoir. Tháinig fuaim leis amhail fuaim mhórán uiscí; agus shoilsigh an domhan lena ghlóir.

[3] O aspecto da visão que tive era como o da visão que eu tivera, quando vim destruir a cidade; e eram as visões como a que tive junto ao rio Quebar; e me prostrei, rosto em terra.

[4] A glória do SENHOR entrou no templo pela porta que olha para o oriente.

[5] O Espírito me levantou e me levou ao átrio interior; e eis que a glória do SENHOR enchia o templo.

[6] Então, ouvi uma voz que me foi dirigida do interior do templo, e o homem se pôs de pé junto a mim, e o SENHOR me disse:

[7] Filho do homem, este é o lugar do meu trono, e o lugar das plantas dos meus pés, onde habitarei no meio dos filhos de Israel para sempre; os da casa de Israel não contaminarão mais o meu nome santo, nem eles nem os seus reis, com as suas prostituições e com o cadáver dos seus reis, nos seus monumentos,

[8] pondo o seu limiar junto ao meu limiar e a sua ombreira, junto à minha ombreira, e havendo uma parede entre mim e eles. Contaminaram o meu santo nome com as suas abominações que faziam; por isso, eu os consumi na minha ira.

[9] Agora, lancem eles para longe de mim a sua prostituição e o cadáver dos seus reis, e habitarei no meio deles para sempre.

O altar dos holocaustos

[10] Tu, pois, ó filho do homem, mostra à casa de Israel este templo, para que ela se envergonhe das suas iniqüidades; e meça o modelo.

[3]Bhí an fhís seo a chonaic mé ar aon dul leis an bhfís a chonaic mé nuair a tháinig sé ag scriosadh na cathrach, agus leis an bhfís a chonaic mé ag bruach na habhann Ceabár. Shléacht mé go talamh.

[4]Tháinig glóir an Tiarna isteach sa Teampall ag an ngeata thoir.

[5]Thóg an spiorad mé agus thug isteach sa chúirt inmheánach mé; agus féach, líon glóir an Tiarna an Teampall.

[6]Bhí fear ina sheasamh taobh liom agus chuala mé duine ag labhairt liom ón Teampall amach.

[7]Dúirt sé liom: “A mhic an duine, is é seo suíomh mo ríchathaoireach, an áit ar a leagfaidh mé boinn mo chos. Cónóidh mé anseo i lár chlann Iosrael go brách. Muintir Iosrael agus a ríthe ní thruailleoidh siad m'ainm naofa choíche arís, lena striapachas agus le conablaigh a ríthe,

[8]ag cur a dtairsí le hais mo thairsí agus a n-ursaineacha le hais m'ursaineacha, gan ach balla idir mé agus iad. Thruaillídís m'ainm naofa leis na nithe gránna a dhéanaidís, agus dá bhrí sin scrios mé iad go feargach.

[9]As seo amach díbreoidh siad an striapachas agus conablaigh a ríthe i bhfad ar shiúl uaim agus cónóidh mé ina measc go brách.

[10]“A mhic an duine, tabhair tuairisc an Teampaill seo do mhuintir Iosrael; dearaidís an plean ionas go mbeidh náire orthu de bharr a bpeacaí.

11 Envergonhando-se eles de tudo quanto praticaram, faze-lhes saber a planta desta casa e o seu arranjo, as suas saídas, as suas entradas e todas as suas formas; todos os seus estatutos, todos os seus dispositivos e todas as suas leis; escreve isto na sua presença para que observem todas as suas instituições e todos os seus estatutos e os cumpram.

12 Esta é a lei do templo; sobre o cimo do monte, todo o seu limite ao redor será santíssimo; eis que esta é a lei do templo.

13 São estas as medidas do altar, em côvados, sendo o côvado de côvado comum e quatro dedos; a base será de um côvado de altura e um côvado de largura, e a sua borda, em todo o seu contorno, de quatro dedos; esta é a base do altar.

14 Da base, na linha da terra, até à fiada do fundo, dois côvados, e de largura, um côvado; da fiada pequena até à fiada grande, quatro côvados, e a largura, um côvado.

15 A lareira, de quatro côvados de altura; da lareira para cima se projetarão quatro chifres.

16 A lareira terá doze côvados de comprimento e doze de largura, quadrada nos quatro lados.

17 A fiada terá catorze côvados de comprimento e catorze de largura, nos seus quatro lados; a borda ao redor dela, de meio côvado; e a base ao redor do altar

11Má bhíonn náire orthu de bharr a n-imeachtaí, taispeáin crot agus plean an Teampaill dóibh, na slite amach as agus na slite isteach ann, a dhéanamh agus a leagan amach. Cuir in iúl dóibh a dheasghnátha agus a dhlíthe agus scríobh síos dóibh é os a gcomhair ionas go gcomhlíonfaidís agus go gcleachtfaidís a [dhlíthe] agus a dheasghnátha uile.

12Seo é bunreacht an Teampaill: an láthair uile ar mhullach an tsléibhe agus máguaird is áit rónaofa é. Féach, sin é bunreacht an Teampaill."

An Altóir

13Seo iad tomhais na haltóra de réir banlámh - tá banlámh anseo ar chomhfhad le cnámh rí agus leithead boise. Beidh an bun banlámh ar airde agus banlámh ar leithead; an t-imeall timpeall aon réise amháin. Seo airde na haltóra:

14ón mbonn ar an urlár go dtí an plionta íochtarach, dhá bhanlámh ar airde, agus banlámh ar leithead; ón bplionta is lú go dtí an plionta is mó ceithre bhanlámh ar airde agus banlámh ar leithead.

15Beidh leac na haltóra ceithre bhanlámh ar airde agus beidh ceithre adharc ag síneadh in airde ón leac.

16Beidh leac na haltóra cearnógach, dhá bhanlámh déag ar fad agus dhá bhanlámh déag ar leithead.

17Beidh an plionta cearnógach fosta, ceithre bhanlámh déag ar fad agus ceithre bhanlámh déag ar leithead. Beidh an t-imeall thart air leathbhanlámh ar leithead agus a bhun banlámh thart

se projetará um côvado; os seus degraus olharão para o oriente.

A consagração do altar

[18] E o SENHOR me disse: Filho do homem, assim diz o SENHOR Deus: São estas as determinações do altar, no dia em que o farão, para oferecerem sobre ele holocausto e para sobre ele aspergirem sangue.

[19] Aos sacerdotes levitas, que são da descendência de Zadoque, que se chegam a mim, diz o SENHOR Deus, para me servirem, darás um novilho para oferta pelo pecado.

[20] Tomarás do seu sangue e o porás sobre os quatro chifres do altar, e nos quatro cantos da fiada, e na borda ao redor; assim, farás a purificação e a expiação.

[21] Então, tomarás o novilho da oferta pelo pecado, o qual será queimado no lugar da casa para isso designado, fora do santuário.

[22] No segundo dia, oferecerás um bode sem defeito, oferta pelo pecado; e purificarão o altar, como o purificaram com o novilho.

[23] Acabando tu de o purificar, oferecerás um novilho sem defeito e, do rebanho, um carneiro sem defeito.

[24] Oferecê-los-ás perante o SENHOR; os sacerdotes deitarão sal sobre eles e os oferecerão em holocausto ao SENHOR.

timpeall. Beidh céimeanna na haltóra ag féachaint soir.

[18]Dúirt sé liom: “A mhic an duine, seo mar a deir an Tiarna Dia: Seo iad na deasghnátha don altóir. An lá a thógfar í le haghaidh ofráil íobairtí dóite agus doirteadh fola,

[19]tabharfaidh tú tarbh mar íobairt pheaca do na sagairt Léivíteacha de shíol Zádóc a thagann chugam chun freastal orm - an Tiarna Dia a labhraíonn.

[20]Glacfaidh tú cuid den fhuil agus cuirfidh tú í ar cheithre adharc na haltóra agus ar cheithre chúinne an phlionta agus ar an imeall thart timpeall. Mar seo a ghlanfaidh tú an altóir agus a dhéanfaidh tú leorghníomh ar a son.

[21]Glacfaidh tú fosta tarbh na híobartha peaca agus dófaidh tú sa láthair cheart den Teampall taobh amuigh den sanctóir é.

[22]An dara lá ofrálfaidh tú gabhar fireann gan smál mar íobairt pheaca; agus glanfar an altóir arís mar a glanadh leis an tarbh.

[23]Agus í glanta agat ofrálfaidh tú tarbh gan smál agus reithe gan smál ón tréad.

[24]Tabharfaidh tú iad i láthair an Tiarna agus croithfidh na sagairt salann orthu agus ofrálfaidh siad don Tiarna mar íobairt dhóite iad.

[25] Durante sete dias, prepararás cada dia um bode para oferta pelo pecado; também prepararão um novilho e, do rebanho, um carneiro sem defeito.

[26] Por sete dias, expiarão o altar e o purificarão; e, assim, o consagrarão.

[27] Tendo eles cumprido estes dias, será que, ao oitavo dia, dali em diante, prepararão os sacerdotes sobre o altar os vossos holocaustos e as vossas ofertas pacíficas; e eu vos serei propício, diz o SENHOR Deus.

[25]Ar feadh seacht lá caithfidh tú gabhar fireann a sholáthar gach lá d'íobairt pheaca; ní foláir freisin tarbh agus reithe gan smál ón tréad a ofráil.

[26]Ar feadh seacht lá déanfaidh siad leorghníomh ar son na haltóra; glanfaidh siad í agus beidh sí coisricthe.

[27]Ag deireadh an ama sin, ón ochtú lá amach, ofrálfaidh na sagairt ar an altóir bhur n-íobairtí dóite agus bhur n-íobairtí síochána; agus glacfaidh mise go cineálta libh - an Tiarna Dia a labhraíonn."

Ezequiel 44

Reformas no ministério do santuário

[1] Então, o homem me fez voltar para o caminho da porta exterior do santuário, que olha para o oriente, a qual estava fechada.

[2] Disse-me o SENHOR: Esta porta permanecerá fechada, não se abrirá; ninguém entrará por ela, porque o SENHOR, Deus de Israel, entrou por ela; por isso, permanecerá fechada.

[3] Quanto ao príncipe, ele se assentará ali por ser príncipe, para comer o pão diante do SENHOR; pelo vestíbulo da porta entrará e por aí mesmo sairá.

[4] Depois, o homem me levou pela porta do norte, diante da casa; olhei, e eis que a glória do SENHOR enchia a Casa do SENHOR; então, caí rosto em terra.

[5] Disse-me o SENHOR: Filho do homem, nota bem, e vê com os próprios olhos, e

Eizicéil 44

Cead Isteach sa Teampall

[1]Thug sé ar ais mé ansin go geata seachtrach an tsanctóra a fhéachann soir. Bhí sé dúnta.

[2]Dúirt an Tiarna liom: "Coimeádfar an geata seo dúnta. Ní osclófar é agus ní rachaidh aon duine tríd ó ghabh an Tiarna, Dia Iosrael, tríd. Dá bhrí sin coimeádfar dúnta é.

[3]Ceadófar don phrionsa amháin, áfach, suí ann lena bhéile a chaitheamh i láthair an Tiarna. Rachaidh sé isteach agus fágfaidh sé trí phóirse an gheata."

[4]Thug sé isteach mé tríd an ngeata thuaidh go dtí aghaidh an Teampaill. D'amharc mé agus chonaic glóir an Tiarna ag líonadh Theampall an Tiarna agus shléacht mé go talamh.

[5]Dúirt an Tiarna liom: "A mhic an duine, tabhair aire, féach go grinn agus éist go

ouve com os próprios ouvidos tudo quanto eu te disser de todas as determinações a respeito da Casa do SENHOR e de todas as leis dela; nota bem quem pode entrar no templo e quem deve ser excluído do santuário.

cúramach lena n-insím duit faoi dheasghnátha uile Theampall an Tiarna agus a dhlíthe uile. Tabhair aire mhaith do cé ag a mbeidh cead isteach sa Teampall acu agus cé ag nach mbeidh cead isteach sa sanctóir acu.

[6] Dize aos rebeldes, à casa de Israel: Assim diz o SENHOR Deus: Bastem-vos todas as vossas abominações, ó casa de Israel!

[6]Abair le ceannaircigh mhuintir Iosrael: Seo mar a deir an Tiarna Dia: A mhuintir Iosrael, bíodh deireadh le bhur n-imeachtaí gránna uile,

[7] Porquanto introduzistes estrangeiros, incircuncisos de coração e incircuncisos de carne, para estarem no meu santuário, para o profanarem em minha casa, quando ofereceis o meu pão, a gordura e o sangue; violastes a minha aliança com todas as vossas abominações.

[7]ag ligean isteach i mo shanctóir coimhthígh gan timpeallghearradh ina gcroí ná ina gcorp, á thruailliú nuair a ofrálann sibh mo bhia idir shaill agus fhuil. Mar bharr ar bhur n-uile imeachtaí gránna bhris [sibh] mo chonradh.

[8] Não cumpristes as prescrições a respeito das minhas coisas sagradas; antes, constituístes em vosso lugar estrangeiros para executarem o serviço no meu santuário.

[8]In ionad bhur ndualgais dom a chomhlíonadh sa sanctóir thug sibh cúram mo dhualgas do choimhthígh.

[9] Assim diz o SENHOR Deus: Nenhum estrangeiro que se encontra no meio dos filhos de Israel, incircunciso de coração ou incircunciso de carne, entrará no meu santuário.

[9]Seo mar a deir an Tiarna Dia: Aon choimhthíoch gan timpeallghearradh ina chroí agus ina chorp, de na coimhthígh uile a chónaíonn i measc mhuintir Iosrael, ná téadh sé isteach i mo shanctóir.

Na Léivítigh

[10] Os levitas, porém, que se apartaram para longe de mim, quando Israel andava errado, que andavam transviados, desviados de mim, para irem atrás dos seus ídolos, bem levarão sobre si a sua iniqüidade.

[10]“Na Léivítigh a thréig mé agus a chuaigh ar seachrán i bhfad uaim i ndiaidh a n-íol nuair a chuaigh Iosrael ar seachrán, iompróidh siad ualach a bpeacaí féin.

[11] Contudo, eles servirão no meu santuário como guardas nas portas do templo e

[11]Beidh siad ina bhfreastalaithe sa sanctóir agam agus an cúram orthu geataí

ministros dele; eles imolarão o holocausto e o sacrifício para o povo e estarão perante este para lhe servir.

an Teampaill a ghardáil agus an Teampall féin a fhreastal. Maróidh siad an íobairt dhóite agus an ofráil don phobal, agus beidh siad i láthair chun freastal ar an bpobal.

12 Porque lhe ministraram diante dos seus ídolos e serviram à casa de Israel de tropeço de maldade; por isso, levantando a mão, jurei a respeito deles, diz o SENHOR Deus, que eles levarão sobre si a sua iniqüidade.

12De bhrí gur fhreastail siad orthu os comhair a n-íol agus gur cheap tuisle peaca iad do mhuintir Iosrael, dá bhrí sin mhionnaigh mé ina n-aghaidh - an Tiarna Dia a labhraíonn - go n-iompróidh siad ualach a bpeaca.

13 Não se chegarão a mim, para me servirem no sacerdócio, nem se chegarão a nenhuma de todas as minhas coisas sagradas, que são santíssimas, mas levarão sobre si a sua vergonha e as suas abominações que cometeram.

13Ní bheidh cead acu triall orm arís chun gnó sagairt a dhéanamh liom, ná teacht in aice leis na nithe naofa liom ná na nithe rónaofa; ach beidh siad faoi náire ag na nithe gránna a rinne siad.

14 Contudo, eu os encarregarei da guarda do templo, e de todo o serviço, e de tudo o que se fizer nele.

14Ach tabharfaidh mé cúram an Teampaill dóibh le haghaidh a fhreastail go léir agus an uile rud atá le déanamh.

Os deveres dos sacerdotes

15 Mas os sacerdotes levitas, os filhos de Zadoque, que cumpriram as prescrições do meu santuário, quando os filhos de Israel se extraviaram de mim, eles se chegarão a mim, para me servirem, e estarão diante de mim, para me oferecerem a gordura e o sangue, diz o SENHOR Deus.

Na Sagairt

15"Na sagairt Léivíteacha, mic Zádóc, a chomhlíon a ndualgais dom sa sanctóir nuair a chuaigh muintir Iosrael ar seachrán i bhfad uaim, beidh cead acusan triall orm chun freastal orm. Seasfaidh siad i mo láthair ag ofráil saille agus fola dom - an Tiarna Dia a labhraíonn.

16 Eles entrarão no meu santuário, e se chegarão à minha mesa, para me servirem, e cumprirão as minhas prescrições.

16Beidh cead isteach i mo shanctóir acu agus triallfaidh siad ar mo thábla le freastal orm; comhlíonfaidh siad mo liotúirge.

17 E será que, quando entrarem pelas portas do átrio interior, usarão vestes de linho; não se porá lã sobre eles, quando

17Nuair a rachaidh siad isteach geataí na cúirte inmheánaí gléasfaidh siad in éide lín; ní bheidh aon olann orthu ag freastal

servirem nas portas do átrio interior, dentro do templo.

18 Tiaras de linho lhes estarão sobre a cabeça, e calções de linho sobre as coxas; não se cingirão a ponto de lhes vir suor.

19 Saindo eles ao átrio exterior, ao povo, despirão as vestes com que ministraram, pô-las-ão nas santas câmaras e usarão outras vestes, para que, com as suas vestes, não santifiquem o povo.

20 Não raparão a cabeça, nem deixarão crescer o cabelo; antes, como convém, tosquiarão a cabeça.

21 Nenhum sacerdote beberá vinho quando entrar no átrio interior.

22 Não se casarão nem com viúva nem com repudiada, mas tomarão virgens da linhagem da casa de Israel ou viúva que o for de sacerdote.

23 A meu povo ensinarão a distinguir entre o santo e o profano e o farão discernir entre o imundo e o limpo.

24 Quando houver contenda, eles assistirão a ela para a julgarem; pelo meu direito julgarão; as minhas leis e os meus estatutos em todas as festas fixas guardarão e santificarão os meus sábados.

25 Não se aproximarão de nenhuma pessoa morta, porque se contaminariam; somente por pai, ou mãe, ou filho, ou filha, ou irmão, ou por irmã que não tiver marido, se poderão contaminar.

dóibh ag geataí na cúirte inmheánaí agus istigh.

18Caithfidh siad turbain lín ar a gcinn agus bríste lín ar a leasrach; ní chríoslóidh siad iad féin le haon ábhar a thugann allas.

19Ar imeacht amach dóibh chuig pobal na cúirte seachtraí bainfidh siad díobh na héadaí ina ndearna siad freastal agus fágfaidh iad sna seomraí sa sanctóir; gléasfaidh siad in éadaí eile ar eagla go naomhóidís an pobal lena n-éadaí.

20Ní bhearrfaidh siad a gcinn ná ní ligfidh siad fás fada faoina bhfolt; gearrfaidh siad é go measartha.

21Ní ólfaidh aon sagart fíon an lá a théann sé isteach sa chúirt inmheánach.

22Ní phósfaidh siad baintreach ná bean a idirscaradh ach maighdean de shliocht mhuintir Iosrael. Tá cead acu baintreach a phósadh más baintreach sagairt í.

23Teagascfaidh siad do mo phobal rud naofa a aithint thar rud coitianta, an difear idir glan agus neamhghlan.

24Tabharfaidh siad breithiúnas in imreas, breithiúnas a bheidh de réir mo reachtanna; comhlíonfaidh siad mo reachtanna agus mo dheasghnátha ag m'fhéilte cinnte uile. Coinneoidh siad mo shabóidí naofa.

25Ní thiocfaidh siad in aice le corpáin ar eagla go ndéanfaí neamhghlan iad; ach ar son athar nó máthar, ar son mic nó iníne, ar son dearthár nó deirféar nach bhfuil pósta, tá cead acu bheith neamhghlan.

[26] Depois de ser ele purificado, contar-se-lhe-ão sete dias.
[27] No dia em que ele entrar no lugar santo, no átrio interior, para ministrar no lugar santo, apresentará a sua oferta pelo pecado, diz o SENHOR Deus.

A repartição das terras

[28] Os sacerdotes terão uma herança; eu sou a sua herança. Não lhes dareis possessão em Israel; eu sou a sua possessão.

[29] A oferta de manjares, e a oferta pelo pecado, e a pela culpa eles comerão; e toda coisa consagrada em Israel será deles.

[30] O melhor de todos os primeiros frutos de toda espécie e toda oferta serão dos sacerdotes; também as primeiras das vossas massas dareis ao sacerdote, para que faça repousar a bênção sobre a vossa casa.
[31] Não comerão os sacerdotes coisa alguma que de si mesma haja morrido ou tenha sido dilacerada de aves e de animais.

[26]Nuair a ghlanfar fear acu fanfaidh sé seacht lá;
[27]ansin an lá a dtéann sé isteach sa chúirt inmheánach chun freastal sa sanctóir, ofrálfaidh sé a íobairt pheaca - an Tiarna Dia a labhraíonn.

[28]Ní bheidh aon oidhreacht acu; mise a n-oidhreacht. Ní thabharfaidh sibh aon ghabháltas dóibh in Iosrael; mise a ngabháltas.
[29]Íosfaidh siad an abhlann, íobairt an pheaca agus íobairt an chúitimh; gach rud a chuirtear faoin mbang in Iosrael beidh sé acusan.

[30]Scoth na gcéadtorthaí de gach sórt agus an uile thabhartas de bhur n-íobairtí uile, gheobhaidh na sagairt iad. Gheobhaidh na sagairt scoth bhur dtaois chomh mhaith, ionas go mairfidh beannacht i do theach.

[31]Ní íosfaidh na sagairt aon chuid d'éan ná d'ainmhí a d'éag uaidh féin nó a stolladh ó chéile."

Ezequiel 45

[1] Quando, pois, repartirdes a terra por sortes em herança, fareis uma oferta ao SENHOR, uma porção santa da terra; o comprimento desta porção será de vinte e cinco mil côvados, e a largura, de dez mil; ela será santa em toda a sua extensão ao redor.

Eizicéil 45

Roinn an Tiarna

[1]"Nuair a roinnfidh tú an tír mar oidhreacht trí chrannchur, cuirfidh tú roinn ar leataobh don Tiarna mar thalamh naofa, cúig mhíle banlámh is fiche ar fad agus [fiche] míle banlámh ar leithead. Beidh iomlán na talún seo naofa.

[2] Será o santuário de quinhentos côvados com mais quinhentos, em quadrado, e terá em redor uma área aberta de cinqüenta côvados.

[2]Beidh cearnóg chúig chéad banlámh de seo don sanctóir agus spás oscailte caoga banlámh timpeall air.

[3] Desta porção santa medirás vinte e cinco mil côvados de comprimento e dez mil de largura; ali estará o santuário, o lugar santíssimo.

[3]As an tearmann seo tomhaisfidh tú roinn cúig mhíle banlámh is fiche ar fad agus deich míle banlámh ar leithead ina mbeidh an sanctóir, an áit rónaofa.

[4] Este será o lugar santo da terra; ele será para os sacerdotes, ministros do santuário, que dele se aproximam para servir ao SENHOR, e lhes servirá de lugar para casas; e, como lugar santo, pertencerá ao santuário.

[4]Beidh sé ar an gcuid naofa den tír, beidh sé ag na sagairt a fhreastalaíonn sa sanctóir agus a thriallann ar an Tiarna a dhéanamh seirbhíse dó. Beidh an áit sin ina láthair dá dtithe acu agus ina áit naofa don sanctóir.

[5] Os levitas, ministros da casa, terão vinte e cinco mil côvados de comprimento e dez mil de largura, para possessão sua, para vinte câmaras.

[5]Roinn eile, cúig mhíle banlámh ar fad agus deich míle banlámh ar leithead, beidh sé mar láthair dá mbailte cónaithe ag na Léivítigh a fhreastalaíonn sa Teampall.

[6] Para a possessão da cidade, de largura dareis cinco mil côvados e vinte e cinco mil de comprimento defronte da porção santa, o que será para toda a casa de Israel.

[6]Le hais na ranna a bhaineann leis an sanctóir tabharfaidh sibh don chathair mar ghabhháltas cúig mhíle banlámh ar leithead agus cúig mhíle banlámh is fiche ar fad; beidh seo ag muintir Iosrael uile.

Roinn an Phrionsa

[7] O príncipe, porém, terá a sua parte deste e do outro lado da santa porção e da possessão da cidade, diante da santa porção e diante da possessão da cidade, ao lado ocidental e oriental; e o comprimento corresponderá a uma das porções, desde o limite ocidental até ao limite oriental.

[7]“Beidh roinn ag an bprionsa ar an dá thaobh de fhearann an tsanctóra agus de ghabhháltas na cathrach, ar aon teorainn le fearann an tsanctóra agus le gabhháltas na cathrach siar agus soir, ar aon fhad le roinn treibhe agus ag síneadh ó theorainn thiar go teorainn thoir na tíre.

[8] Esta terra será a sua possessão em Israel; os meus príncipes nunca mais oprimirão o meu povo; antes, distribuirão a terra à casa de Israel, segundo as suas tribos.

[8]Sín é a ghabhháltas in Iosrael. Ní bhrúfaidh mo phrionsaí ar mo phobal níos mó; ach fágfaidh siad an chuid eile den tír do mhuintir Iosrael de réir a dtreibheanna.

Deveres dos magistrados

[9] Assim diz o SENHOR Deus: Basta, ó príncipes de Israel; afastai a violência e a opressão e praticai juízo e justiça: tirai as vossas desapropriações do meu povo, diz o SENHOR Deus.

[10] Tereis balanças justas, efa justo e bato justo.

[11] O efa e o bato serão da mesma capacidade, de maneira que o bato contenha a décima parte do ômer, e o efa, a décima parte do ômer; segundo o ômer, será a sua medida.

[12] O siclo será de vinte geras. Vinte siclos, mais vinte e cinco siclos, mais quinze siclos serão iguais a uma mina para vós.

[13] Esta será a oferta que haveis de fazer: de trigo, a sexta parte de um efa de cada ômer, e também de cevada, a sexta parte de um efa de cada ômer.

[14] A porção determinada de azeite será a décima parte de um bato de cada coro; um coro, como o ômer, tem dez batos.

[15] De cada rebanho de duzentas cabeças, um cordeiro tirado dos pastos ricos de Israel; tudo para oferta de manjares, e para holocausto, e para sacrifício pacífico; para que façam expiação pelo povo, diz o SENHOR Deus.

[16] Todo o povo da terra fará contribuição, para esta oferta, ao príncipe em Israel.

[9]“Seo mar a deir an Tiarna Dia: Go mba leor libh é seo, a phrionsaí Iosrael! Éirígí as an láimh láidir agus as an ansmacht; cuirigí an chóir agus an fhíréantacht i bhfeidhm; ná brúigí ar mo phobal níos mó le tobhach cíosa - an Tiarna Dia a labhraíonn.

[10]Bíodh scálaí cothroma agaibh, éafá cothrom agus bat cothrom.

[11]Bíodh an t-éafá agus an bat ar aon mhiosúr, ionas go gcoinneodh an bat an deichiú cuid de hoimear agus an t-éafá an deichiú cuid de hoimear. Bíodh an hoimear ina chaighdeán mar mhiosúr.

[12]Bíodh fiche géará sa seicil; agus in aon mhíoná amháin agaibh bíodh fiche seicil, cúig sheicil is fiche agus cúig sheicil déag.

Tobhach don Chultas

[13]“Seo í an ofráil a thobhfaidh sibh, an séú cuid d'éafá ó gach hoimear cruithneachta, agus an séú cuid d'éafá ó gach hoimear eorna.

[14]An tobhach ar ola: bat ola ó gach deich mbat nó ó gach cor, atá ar aon mhiosúr le deich mbat nó le haon hoimear amháin de bhrí gurb ionann deich mbat agus hoimear.

[15]Tobhfaidh sibh caora ó gach tréad de dhá chéad ó [theaghlaigh] Iosrael; sin í an ofráil do na habhlanna, do na híobairtí dóite agus do na híobairtí síochána. Is é sin bhur leorghníomh - an Tiarna Dia a labhraíonn.

[16]Tabharfaidh muintir uile na tíre an ofráil seo do phrionsa Iosrael.

[17] Estarão a cargo do príncipe os holocaustos, e as ofertas de manjares, e as libações, nas Festas da Lua Nova e nos sábados, em todas as festas fixas da casa de Israel; ele mesmo proverá a oferta pelo pecado, e a oferta de manjares, e o holocausto, e os sacrifícios pacíficos, para fazer expiação pela casa de Israel.

Ofertas no Ano-Novo

[18] Assim diz o SENHOR Deus: No primeiro mês, no primeiro dia do mês, tomarás um novilho sem defeito e purificarás o santuário.

[19] O sacerdote tomará do sangue e porá dele nas ombreiras da casa, e nos quatro cantos da fiada do altar, e nas ombreiras da porta do átrio interior.

[20] Assim também farás no sétimo dia do mês, por causa dos que pecam por ignorância e por causa dos símplices; assim, expiareis o templo.

Na Páscoa

[21] No primeiro mês, no dia catorze do mês, tereis a Páscoa, festa de sete dias; pão asmo se comerá.

[22] O príncipe, no mesmo dia, por si e por todo o povo da terra, proverá um novilho para oferta pelo pecado.

[23] Nos sete dias da festa, preparará ele um holocausto ao SENHOR, sete novilhos e sete carneiros sem defeito, cada dia durante os sete dias; e um bode cada dia como oferta pelo pecado.

[17]Beidh dualgas ar an bprionsa na híobairtí dóite, na habhlanna agus na híobairtí dí a chur ar fáil ag na féilte, ag na réanna nua agus na sabóidí, ag féilte cinnte uile mhuintir Iosrael. Cuirfidh sé ar fáil na híobairtí peaca, na habhlanna, na híobairtí dóite agus na híobairtí síochána mar leorghníomh ar son mhuintir Iosrael.

Féile na Cásca

[18]“Seo mar a deir an Tiarna Dia: Ar an gcéad lá den chéad mhí glacfaidh tú tarbh óg gan smál agus glanfaidh tú an sanctóir.

[19]Glacfaidh an sagart cuid den fhuil ón íobairt pheaca agus doirtfidh í ar ursaineacha an Teampaill, ar cheithre chúinne phlionta na haltóra agus ar ursaineacha na ngeataí sa chúirt inmheánach.

[20]Déanfaidh tú amhlaidh ar an seachtú lá den mhí ar son an duine a pheacaigh trí neamart nó aineolas. Mar seo a dhéanfaidh tú leorghníomh don Teampall.

[21]Ar an gceathrú lá déag den chéad mhí beidh ort féile na Cásca a cheiliúradh. Ar feadh seacht lá íosfaidh cách arán gan ghabháil.

[22]An lá sin ofrálfaidh an prionsa tarbh óg mar íobairt pheaca dó féin agus do phobal uile na tíre.

[23]Ar feadh seacht lá na féile ofrálfaidh sé mar íobairt dhóite don Tiarna seacht dtarbh óga agus seacht reithe gan smál, gach lá den tseachtain; agus pocán gabhair gach lá mar íobairt pheaca.

[24] Também preparará uma oferta de manjares: para cada novilho, um efa, e um efa para cada carneiro, e um him de azeite para cada efa.

[25] No dia quinze do sétimo mês e durante os sete dias da festa, fará o mesmo: a mesma oferta pelo pecado, o mesmo holocausto, a mesma oferta e a mesma porção de azeite.

Ezequiel 46

Nos sábados e Festas da Lua Nova

[1] Assim diz o SENHOR Deus: A porta do átrio interior, que olha para o oriente, estará fechada durante os seis dias que são de trabalho; mas no sábado ela se abrirá e também no dia da Festa da Lua Nova.

[2] O príncipe entrará de fora pelo vestíbulo da porta e permanecerá junto da ombreira da porta; os sacerdotes prepararão o holocausto dele e os seus sacrifícios pacíficos, e ele adorará no limiar da porta e sairá; mas a porta não se fechará até à tarde.

[3] O povo da terra adorará na entrada da mesma porta, nos sábados e nas Festas da Lua Nova, diante do SENHOR.

[4] O holocausto que o príncipe oferecer ao SENHOR serão, no dia de sábado, seis cordeiros sem defeito e um carneiro sem defeito.

[5] A oferta de manjares será um efa para cada carneiro; para cada cordeiro, a oferta de manjares será o que puder dar; e de azeite, um him para cada efa.

[24]Ofrálfaidh sé mar abhlann éafá do gach tarbh, éafá do gach reithe, agus hín ola do gach éafá.

[25]“Don fhéile a thiteann ar an gcúigiú lá déag den seachtú mí, déanfaidh sé mar an gcéanna ar feadh seacht lá, ag soláthar d'íobairtí peaca, d'íobairtí dóite, d'abhlann agus d'ola.”

Eiziceil 46

Féile na mBothanna -- An tSabóid

[1]“Seo mar a deir an Tiarna Dia. Dúnfar an geata thoir den chúirt inmheánach ar feadh na sé lá oibre. Osclófar é lá na sabóide agus lá na ré nua;

[2]rachaidh an prionsa isteach trí phóirse an gheata sheachtraigh agus bunóidh sé é féin ag ursaineacha an gheata. Ofrálfaidh na sagairt ansin a íobairt dhóite agus a íobairt síochána. Déanfaidh sé adhradh ag tairseach an gheata agus rachaidh sé amach, ach ní dhúnfar an doras go tráthnóna.

[3]Adhrfaidh pobal na tíre ag béal an gheata i láthair an Tiarna ar shabóidí agus ar laethanta na ré nua.

[4]Sé uan gan smál agus reithe gan smál a bheidh san íobairt dhóite a ofrálfaidh an prionsa don Tiarna lá na sabóide.

[5]Tabharfaidh sé éafá mar abhlann leis an reithe, a rogha tabhartais leis na huain, agus hín ola le gach éafá.

[6] Mas, no dia da Festa da Lua Nova, será um novilho sem defeito e seis cordeiros e um carneiro; eles serão sem defeito.
[7] Preparará por oferta de manjares um efa para cada novilho e um efa para cada carneiro, mas, pelos cordeiros, segundo puder; e um him de azeite para cada efa.

[8] Quando entrar o príncipe, entrará pelo vestíbulo da porta e sairá pelo mesmo caminho.

Instruções referentes às ofertas

[9] Mas, quando vier o povo da terra perante o SENHOR, nas festas fixas, aquele que entrar pela porta do norte, para adorar, sairá pela porta do sul; e aquele que entrar pela porta do sul sairá pela porta do norte; não tornará pela porta por onde entrou, mas sairá pela porta oposta.
[10] O príncipe entrará no meio deles, quando eles entrarem; em saindo eles, ele sairá.
[11] Nas solenidades e nas festas fixas, a oferta de manjares será um efa para cada novilho e um para cada carneiro; mas, pelos cordeiros, o que puder dar; e de azeite, um him para cada efa.
[12] Quando o príncipe preparar holocausto ou sacrifícios pacíficos como oferta voluntária ao SENHOR, então, lhe abrirão a porta que olha para o oriente, e fará ele o seu holocausto e os seus sacrifícios pacíficos, como costuma fazer no dia de sábado; e sairá, e se fechará a porta depois de ele sair.

[6]Lá na ré nua ofrálfaidh sé tarbh óg gan smál, sé uan gan smál agus reithe gan smál.

[7]Tabharfaidh sé éafá leis an reithe, a rogha tabhartais leis na huain, agus hín ola le gach éafá.

Deasghnátha Éagsúla

[8]“Ar dhul isteach don phrionsa rachaidh sé trí phóirse an gheata isteach agus fágfaidh sé an bealach céanna.

[9]Nuair a thiocfaidh pobal na tíre i láthair an Tiarna ag na féilte sollúnta, an lucht a thiocfaidh isteach an geata thuaidh ag adhradh rachaidh siad amach an geata theas. Ní fhillfidh siad ar an ngeata trínar ghabh siad isteach ach rachaidh amach an geata atá díreach rompu.

[10]Tiocfaidh an prionsa leo, ag dul isteach agus amach mar a dhéanfaidh siadsan.

[11]Ag na féilte agus na séasúir chinnte ofrálfar éafá mar abhlann le gach tarbh, éafá le gach reithe, rogha tabhartais leis na huain agus hín ola le gach éafá.

[12]Nuair a ofrálfaidh an prionsa íobairt dheonach, bíodh sí dóite nó ina híobairt síochána, don Tiarna, osclófar an geata thoir dó agus ofrálfaidh sé a íobairt dhóite agus a íobairt síochána mar a dhéanfaidh lá na sabóide. Ar dhul amach dó, dúnfar an geata ina dhiaidh.

[13] Prepararás um cordeiro de um ano, sem defeito, em holocausto ao SENHOR, cada dia; manhã após manhã, o prepararás.

[14] Juntamente com ele, prepararás, manhã após manhã, uma oferta de manjares para o SENHOR, a sexta parte de um efa e, de azeite, a terça parte de um him, para misturar com a flor de farinha. Isto é estatuto perpétuo e contínuo.

[15] Assim prepararão o cordeiro, e a oferta de manjares, e o azeite, manhã após manhã, em holocausto contínuo.

[16] Assim diz o SENHOR Deus: Quando o príncipe der um presente de sua herança a alguns de seus filhos, pertencerá a estes; será possessão deles por herança.

[17] Mas, dando ele um presente da sua herança a algum dos seus servos, será deste até ao ano da liberdade; então, tornará para o príncipe, porque a seus filhos, somente a eles, pertencerá a herança.

[18] O príncipe não tomará nada da herança do povo, não os esbulhará da sua possessão; da sua própria possessão deixará herança a seus filhos, para que o meu povo não seja retirado, cada um da sua possessão.

[19] Depois disto, o homem me trouxe, pela entrada que estava ao lado da porta, às câmaras santas dos sacerdotes, as quais olhavam para o norte; e eis que ali havia

[13]Ofrálfaidh sé uan bliana gan smál mar íobairt dhóite don Tiarna gach lá; ofrálfaidh sé seo gach maidin.

[14]Ofrálfaidh sé chomh maith gach maidin an séú cuid d'éafá agus an tríú cuid de hín ola le meascadh leis an bplúr. Sin tabhartas don Tiarna, deasghnáth buan síoraí.

[15]Mar sin a dhéanfar an t-uan agus an íobairt bhia agus an ola a sholáthar, maidin i ndiaidh maidine mar íobairt dhóite go brách.

Ceart an Phrionsa

[16]“Seo mar a deir an Tiarna Dia. Má bhronnann an prionsa cuid dá oidhreacht ar a chlann mhac rachaidh an bronntanas i seilbh na mac agus beidh sé acu mar oidhreacht.

[17]Ach má bhronnann sé cuid dá oidhreacht ar dhuine dá sheirbhísigh beidh sí aige go bliain na saoirse amháin agus fillfidh ansin ar an bprionsa. Ní choinneoidh aon duine cuid den oidhreacht ach an chlann mhac amháin.

[18]Ní ghabhfaidh an prionsa aon chuid d'oidhreacht an phobail, á ndíbirt as seilbh go héagórach. Tabharfaidh sé oidhreacht dá chlann mhac as a mhaoin féin ionas nach ndíbreofar aon duine de mo phobal as seilbh.”

Cistineacha an Teampaill

[19]Thug sé isteach mé ansin tríd an mbealach a bhí ag taobh an gheata thuaidh go dtí na seomraí sa sanctóir a

um lugar nos fundos extremos que olham para o ocidente.

[20] Ele me disse: Este é o lugar onde os sacerdotes cozerão a oferta pela culpa e a oferta pelo pecado e onde cozerão a oferta de manjares, para que não a tragam ao átrio exterior e assim santifiquem o povo.

[21] Então, me levou para fora, para o átrio exterior, e me fez passar aos quatro cantos do átrio; e eis que em cada canto do átrio havia outro átrio.

[22] Nos quatro cantos do átrio havia átrios pequenos, menores, de quarenta côvados de comprimento e trinta de largura; estes quatro cantos tinham a mesma dimensão.

[23] Havia um muro ao redor dos átrios, ao redor dos quatro, e havia lugares para cozer ao pé dos muros ao redor.

[24] E me disse: São estas as cozinhas, onde os ministros do templo cozerão o sacrifício do povo.

Ezequiel 47

A torrente das águas purificadoras

[1] Depois disto, o homem me fez voltar à entrada do templo, e eis que saíam águas de debaixo do limiar do templo, para o oriente; porque a face da casa dava para o oriente, e as águas vinham de baixo, do lado direito da casa, do lado sul do altar.

[2] Ele me levou pela porta do norte e me fez dar uma volta por fora, até à porta exterior, que olha para o oriente; e eis que corriam as águas ao lado direito.

bhain leis na sagairt. Chonaic mé áit ansin siar uaim ag deireadh.

[20]Dúirt sé liom: “Seo é an áit a mbruithfidh na sagairt an íobairt leorghnímh agus an íobairt pheaca, agus a mbacálfaidh siad an abhlann ionas nach mbeidh orthu iad a bhreith leo amach sa chúirt sheachtrach agus an pobal a naomhú.”

[21]Rug sé amach sa chúirt sheachtrach mé agus thug orm dul go ceithre chúinne na cúirte; agus i ngach cúinne den chúirt bhí clós.

[22]Sna ceithre chúinne den chúirt bhí ceithre chlós, a bhí daichead banlámh ar fad agus daichead banlámh ar leithead. Bhí siad ceathrar ar aon mhiosúr.

[23]Bhí balla timpeall laistigh ar gach ceann acu agus teallach ag bun gach balla.

[24]Dúirt sé liom ansin: “Seo iad na cistineacha ina mbruithfidh lucht freastail an Teampaill íobairtí an phobail.”

Eizicéil 47

An Stealladh Uisce ón Teampall

[1]Rug sé ar ais mé go doras an Teampaill; agus féach, bhí uisce ag sceitheadh soir amach faoi bhun thairseach an Teampaill - bhí an Teampall féin ag féachaint soir. Sceith an t-uisce amach faoi bhun an taoibh theas de thairseach an Teampaill, ó dheas ón altóir.

[2]Rug sé ansin mé amach an geata thuaidh agus thug orm dul timpeall amuigh fad leis an ngeata seachtrach thoir, áit a raibh an t-uisce ag sceitheadh soir.

[3] Saiu aquele homem para o oriente, tendo na mão um cordel de medir; mediu mil côvados e me fez passar pelas águas, águas que me davam pelos tornozelos.

[4] Mediu mais mil e me fez passar pelas águas, águas que me davam pelos joelhos; mediu mais mil e me fez passar pelas águas, águas que me davam pelos lombos.

[5] Mediu ainda outros mil, e era já um rio que eu não podia atravessar, porque as águas tinham crescido, águas que se deviam passar a nado, rio pelo qual não se podia passar.

[6] E me disse: Viste isto, filho do homem? Então, me levou e me tornou a trazer à margem do rio.

[7] Tendo eu voltado, eis que à margem do rio havia grande abundância de árvores, de um e de outro lado.

[8] Então, me disse: Estas águas saem para a região oriental, e descem à campina, e entram no mar Morto, cujas águas ficarão saudáveis.

[9] Toda criatura vivente que vive em enxames viverá por onde quer que passe este rio, e haverá muitíssimo peixe, e, aonde chegarem estas águas, tornarão saudáveis as do mar, e tudo viverá por onde quer que passe este rio.

[10] Junto a ele se acharão pescadores; desde En-Gedi até En-Eglaim haverá lugar para se estenderem redes; o seu peixe, segundo as suas espécies, será como o peixe do mar Grande, em multidão excessiva.

[3]Chuaigh an fear soir agus a shlat tomhais ina láimh agus thomhais sé míle banlámh. Thug sé orm ansin siúl tríd an uisce; chuaigh an t-uisce go murnán orm.

[4]Thomhais sé míle eile agus thug orm siúl tríd an uisce athuair; chuaigh an t-uisce go glúine orm. Thomhais sé míle eile agus thug orm siúl tríd an uisce arís; chuaigh an t-uisce go leasrach orm.

[5]Thomhais sé míle eile; b'abhainn é narbh fhéidir dul tríthi. Bhí an t-uisce éirithe agus domhain go leor chun snámh ann, abhainn nárbh fhéidir dul tríthi.

[6]Dúirt sé liom: “A mhic an duine, an bhfeiceann tú?” Thug sé orm dul ar ais ar bhruach na habhann.

[7]Ar dhul ar ais dom chonaic mé a lán crann, ar gach bruach den abhainn.

[8]Dúirt sé: “Sileann an t-uisce seo soir agus téann síos isteach san Arabá; agus ar dhul isteach dó in uisce marbh na farraige déanann sé an fharraige úr.

[9]Aon áit a sileann an abhainn mairfidh gach dúil bheo a chorraíonn inti agus beidh flúirse éisc ann; de bhrí go mbíonn sláinte aon áit a dtéann an t-uisce agus go mbíonn an t-anam i ngach dúil aon áit a sileann an abhainn.

[10]Beidh iascairí ar a bruacha. Leathfar na líonta ó Éan Geidí go hÉan Eaglaím; beidh ilchineálacha éisc inti amhail éisc na Farraige Móire.

[11] Mas os seus charcos e os seus pântanos não serão feitos saudáveis; serão deixados para o sal.

[12] Junto ao rio, às ribanceiras, de um e de outro lado, nascerá toda sorte de árvore que dá fruto para se comer; não fenecerá a sua folha, nem faltará o seu fruto; nos seus meses, produzirá novos frutos, porque as suas águas saem do santuário; o seu fruto servirá de alimento, e a sua folha, de remédio.

As fronteiras da terra de Israel

[13] Assim diz o SENHOR Deus: Este será o limite pelo qual repartireis a terra em herança, segundo as doze tribos de Israel. José terá duas partes.

[14] Vós a repartireis em heranças iguais, tanto para um como para outro; pois jurei, levantando a mão, dá-la a vossos pais; assim, que esta mesma terra vos cairá a vós outros em herança.

[15] Este será o limite da terra: do lado norte, desde o mar Grande, caminho de Hetlom, até à entrada de Zedade,

[16] Hamate, Berota, Sibraim (que estão entre o limite de Damasco e o de Hamate), a cidade Hazer-Haticom (que está junto ao limite de Haurã).

[17] Assim, o limite será desde o mar até Hazar-Enom, o limite de Damasco, e, na direção do norte, está o limite de Hamate; este será o lado do Norte.

[18] O lado do oriente, entre Haurã, e Damasco, e Gileade, e a terra de Israel, será o Jordão; desde o limite do norte até

[11]Ní thiocfaidh úire sna riasca agus sna bogaigh; fágfar iadsan ina sáile.

[12]Ar bhruach na habhann, ar an dá bhruach, fásfaidh gach cineál crann toraidh, le duilleoga nach bhfeonn agus le toradh nach dteipeann. Béarfaidh siad toradh úr gach mí de bhrí go sileann an t-uisce seo dóibh ón sanctóir. Beidh a dtoradh mar bhia agus a nduilleoga mar leigheas."

Teorainneacha na Tíre

[13]"Seo mar a deir an Tiarna Dia. Seo iad na teorainneacha lena roinnfidh sibh an tír mar oidhreacht ar dhá threibh dhéag Iosrael, ag tabhairt dhá roinn do Iósaef.

[14]Roinnfidh sibh é cothrom; mhionnaigh mé an tír a bhronnadh ar bhur n-aithreacha agus titfidh sé oraibh mar oidhreacht.

[15]Seo iad teorainneacha na tíre: Ar an taobh thuaidh ón bhFarraige Mhór bealach Heatlon isteach go Hamát agus ar aghaidh go Zadad,

[16]Baerótá, Sabraím ar an teorainn idir an Damaisc agus Hamát, agus go Hazaer hat Tíceon ar theorainn Haurán.

[17]Sínfidh an teorainn ón bhfarraige go Hazaer Éineon atá ar theorainn thuaidh na Damaisce agus ar theorainn Hamát ó thuaidh fosta. Sin é an teorainn thuaidh.

[18]Ar an taobh thoir sínfidh an teorainn le taobh an Iordáin idir Haurán agus an Damaisc, idir Gileád agus tír Iosrael go dtí

ao mar do oriente, medireis; este será o lado do oriente.

[19] O lado do sul será desde Tamar até às águas de Meribá-Cades, junto ao ribeiro do Egito até ao mar Grande; este será o lado do sul.

[20] O lado do ocidente será o mar Grande, desde o limite do sul até à entrada de Hamate; este será o lado do ocidente.

[21] Repartireis, pois, esta terra entre vós, segundo as tribos de Israel.

[22] Será, porém, que a sorteareis para vossa herança e para a dos estrangeiros que moram no meio de vós, que gerarem filhos no meio de vós; e vos serão como naturais entre os filhos de Israel; convosco entrarão em herança, no meio das tribos de Israel.

[23] E será que, na tribo em que morar o estrangeiro, ali lhe dareis a sua herança, diz o SENHOR Deus.

Ezequiel 48

Os limites de sete tribos

[1] São estes os nomes das tribos: desde a parte extrema do norte, via Hetlom, até à entrada de Hamate, até Hazar-Enom, o limite norte de Damasco até junto de Hamate e desde o lado oriental até ao ocidente, Dã terá uma porção.

[2] Limitando-se com Dã, desde o lado oriental até ao ocidental, Aser, uma porção.

an Fharraige Thoir síos fad le Támár. Sin é an teorainn thoir.

[19]Ar an taobh theas ó Thámár ó dheas go huiscí Mhiríbeá Caidéis, fad le Sileán na hÉigipte agus an Fharraige Mhór. Sin é an teorainn theas.

[20]Ar an taobh thiar beidh an Fharraige Mhór mar theorainn fad le bealach Hamát. Sin é an teorainn thiar.

[21]Roinnfidh sibh an tír seo eadraibh, de réir treibheanna Iosrael.

[22]Roinnfidh sibh é mar oidhreacht oraibh féin agus ar na coimhthígh a chónaíonn in bhur measc agus a ghin páistí in bhur measc. Beidh siadsan mar dhúchasaigh i measc chlann Iosrael; gheobhaidh siad oidhreacht le crannchur mar aon libhse i measc treibheanna Iosrael.

[23]Tabharfaidh sibh a n-oidhreacht don choimhthíoch de réir na treibhe lena gcónaíonn sé - an Tiarna Dia a labhraíonn."

Eizicéil 48

Roinnt na Tíre

[1]"Seo iad ainmneacha na dtreibheanna. Ar an taobh thuaidh bealach Heatlon go béal Hamát isteach fad le Hazaer Éineon atá ar theorainn thuaidh na Damaisce os comhair Hamát, ag síneadh anoir siar, roinn amháin do Dhán.

[2]Ar aon teorainn le Dán, anoir siar, roinn amháin do Áiséar.

[3] Limitando-se com Aser, desde o lado oriental até ao ocidental, Naftali, uma porção.

[4] Limitando-se com Naftali, desde o lado oriental até ao ocidental, Manassés, uma porção.

[5] Limitando-se com Manassés, desde o lado oriental até ao ocidental, Efraim, uma porção.

[6] Limitando-se com Efraim, desde o lado oriental até ao ocidental, Rúben, uma porção.

[7] Limitando-se com Rúben, desde o lado oriental até ao ocidental, Judá, uma porção.

[8] Limitando-se com Judá, desde o lado oriental até ao ocidental, será a região sagrada que haveis de separar, de vinte e cinco mil côvados de largura e de comprimento, o mesmo que o das porções, desde o lado oriental até ao ocidental; o santuário estará no meio dela.

[9] A região que haveis de separar ao SENHOR será do comprimento de vinte e cinco mil côvados e da largura de dez mil.

[10] Esta região santa dos sacerdotes terá, ao norte, vinte e cinco mil côvados, ao ocidente, dez mil de largura, ao oriente, dez mil de largura e ao sul, vinte e cinco mil de comprimento; o santuário do SENHOR estará no meio dela.

[11] Será para os sacerdotes santificados, para os filhos de Zadoque, que cumpriram

[3]Ar aon teorainn le hÁiséar, anoir siar, roinn amháin do Naftáilí.

[4]Ar aon teorainn le Naftáilí, anoir siar, roinn amháin do Mhanaise.

[5]Ar aon teorainn le Manaise, anoir siar, roinn amháin do Eafráim.

[6]Ar aon teorainn le hEafráim, anoir siar, roinn amháin do Reúbaen.

[7]Ar aon teorainn le Reúbaen, anoir siar, roinn amháin do Iúdá.

[8]Ar aon teorainn le Iúdá, anoir siar, tá roinn a chuirfidh sibh ar leataobh, cúig mhíle banlámh is fiche ar leithead agus ar aon fhad leis na ranna eile anoir siar. Beidh an sanctóir i lár báire.

[9]“Cuirfidh sibh ar leataobh don Tiarna cúig mhíle banlámh is fiche ar fad agus fiche míle banlámh ar leithead.

[10]Is do na sagairt an roinn choisricthe seo a bheidh cúig mhíle banlámh is fiche ar an taobh thuaidh, deich míle banlámh ar leithead ar an taobh thiar, deich míle banlámh ar leithead ar an taobh thoir agus cúig mhíle banlámh is fiche ar fad ar an taobh theas. Beidh sanctóir an Tiarna i lár báire.

[11]Is do na sagairt choisricthe é sin, do mhic Zádóc a chomhlíon a ndualgais dom

o seu dever e não andaram errados, quando os filhos de Israel se extraviaram, como fizeram os levitas.

agus nár imigh ar seachrán nuair a chuaigh muintir Iosrael ar seachrán, amhail na Léivítigh.

12 Será região especial dentro da região sagrada, lugar santíssimo, fazendo limites com a porção dos levitas.

12Gheobhaidh siad roinn as roinn rónaofa na tíre ar aon teorainn le fearann na Léivíteach.

Os limites dos sacerdotes e dos levitas

13 Os levitas, segundo o limite dos sacerdotes, terão vinte e cinco mil côvados de comprimento e dez mil de largura; todo o comprimento será vinte e cinco mil, e a largura, dez mil.

13Taobh le roinn na sagart beidh roinn ag na Léivítigh cúig mhíle banlámh is fiche ar fad agus deich míle ar leithead. Beidh fad iomlán chúig mhíle banlámh is fiche ann agus leithead [fiche] míle.

14 Não venderão nada disto, nem trocarão, nem transferirão a outrem o melhor da terra, porque é santo ao SENHOR.

14Ní bheidh cead acu aon chuid de a dhíol nó a mhalartú; ní féidir an tseilbh a aistriú go brách mar tá sé naofa don Tiarna.

Os limites da cidade

15 Mas os cinco mil côvados que ficaram da largura diante dos vinte e cinco mil serão para o uso civil da cidade, para habitação e para arredores; a cidade estará no meio.

15“An fuílleach, cúig mhíle banlámh ar leithead agus cúig mhíle is fiche ar fad, is le haghaidh na cathrach é, le haghaidh tithe cónaithe agus páirceanna. Beidh an chathair i lár báire;

16 Serão estas as suas medidas: o lado norte, de quatro mil e quinhentos côvados, o lado sul, de quatro mil e quinhentos, o lado oriental, de quatro mil e quinhentos, e o lado ocidental, de quatro mil e quinhentos.

16agus seo mar a thomhaisfear í: ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar an taobh thuaidh, ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar an taobh theas; ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar an taobh thoir; ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar an taobh thiar.

17 Os arredores da cidade serão, ao norte, de duzentos e cinqüenta côvados, ao sul, de duzentos e cinqüenta côvados, ao oriente, de duzentos e cinqüenta e, ao ocidente, de duzentos e cinqüenta.

17Sínfidh páirceanna na cathrach dhá chéad agus caoga banlámh ó thuaidh, dhá chéad agus caoga banlámh ó dheas, dhá chéad agus caoga banlámh soir, agus dhá chéad agus caoga banlámh siar.

18 Quanto ao que ficou do resto do comprimento, paralelo à região sagrada, será de dez mil para o oriente e de dez mil

18Fágfar deich míle banlámh soir agus deich míle siar ar aon teorainn leis an

para o ocidente e corresponderá à região sagrada; e o seu produto será para o sustento daqueles que trabalham na cidade.

roinn naofa; beidh a thoradh seo mar bhia ag lucht oibre na cathrach.

[19] Lavrá-lo-ão os trabalhadores da cidade, provindos de todas as tribos de Israel.

[19]Tiocfaidh an lucht oibre cathrach seo ó gach treibh in Iosrael á shaothrú.

[20] A região toda será de vinte e cinco mil côvados em quadrado, isto é, a região sagrada juntamente com a possessão da cidade.

[20]An roinn seo a chuirfidh tú ar leataobh beidh sí ina cearnóg, cúig mhíle banlámh is fiche ar gach taobh; is é sin an roinn naofa agus talamh na cathrach le chéile.

Os limites do príncipe

[21] O que restar será para o príncipe, deste e do outro lado da região sagrada e da possessão da cidade. Por isso, aquilo que se estende dos vinte e cinco mil côvados em direção do oriente e também dos vinte e cinco mil côvados em direção do ocidente, paralelamente com as porções, será do príncipe; a região sagrada e o santuário do templo estarão no meio.

[21]Is don phrionsa fuílleach na roinne naofa agus thalamh na cathrach. Sínfidh sé ón gcúig mhíle banlámh is fiche den roinn naofa soir agus ón gcúig mhíle banlámh is fiche siar ar aon teorainn le ranna na dtreibheanna; is don phrionsa é. Beidh an roinn naofa agus sanctóir an Teampaill i lár baire.

[22] Excetuando o que pertence aos levitas e a cidade que está no meio daquilo que pertence ao príncipe, entre o território de Judá e o de Benjamim, será isso para o príncipe.

[22]Mar sin, seachas sealúchas na Léivíteach agus sealúchas na cathrach atá suite taobh istigh de shealúchas an phrionsa, is don phrionsa a bhfuil suite idir talamh Iúdá agus talamh Bhiniáimin.

Os limites das outras cinco tribos

[23] Quanto ao resto das tribos, desde o lado oriental até ao ocidental, Benjamim terá uma porção.

[23]“Seo iad na treibheanna: anoir siar, roinn amháin do Bhiniáimin.

[24] Limitando-se com Benjamim, desde o lado oriental até ao ocidental, Simeão, uma porção.

[24]Ar aon teorainn le Biniáimin, anoir siar, roinn amháin do Shimeon.

[25] Limitando-se com Simeão, desde o lado oriental até ao ocidental, Issacar, uma porção.

[25]Ar aon teorainn le Simeon, anoir siar, roinn amháin do Íosácár.

[26] Limitando-se com Issacar, desde o lado oriental até ao ocidental, Zebulom, uma porção.

[27] Limitando-se com Zebulom, desde o lado oriental até ao ocidental, Gade, uma porção.

[28] Limitando-se com o território de Gade, ao sul, o limite será desde Tamar até às águas de Meribá-Cades, ao longo do ribeiro do Egito até ao mar Grande.

[29] Esta é a terra que sorteareis em herança às tribos de Israel; e estas, as suas porções, diz o SENHOR Deus.

As portas da cidade

[30] São estas as saídas da cidade: do lado norte, que mede quatro mil e quinhentos côvados,

[31] três portas: a porta de Rúben, a de Judá e a de Levi, tomando as portas da cidade os nomes das tribos de Israel;

[32] do lado oriental, quatro mil e quinhentos côvados e três portas, a saber: a porta de José, a de Benjamim e a de Dã;

[33] do lado sul, quatro mil e quinhentos côvados e três portas: a porta de Simeão, a de Issacar e a de Zebulom;

[34] do lado ocidental, quatro mil e quinhentos côvados e as suas três portas: a porta de Gade, a de Aser e a de Naftali.

[26]Ar aon teorainn le hÍosácár, anoir siar, roinn amháin do Zabúlun.

[27]Ar aon teorainn le Zabúlun, anoir siar, roinn amháin do Ghád.

[28]Ar aon teorainn le Gád ó dheas, sínfidh an teorainn ó Thámár go huiscí Mhiríbeá Cáidéis fad le Sileán na hÉigipte agus an Fharraige Mhór.

[29]Sin í an talamh a roinnfidh sibh i measc treibheanna Iosrael mar oidhreacht dóibh agus sin iad na ranna eagsúla uirthi - an Tiarna Dia a labhraíonn.

Geataí Iarúsailéim

[30]“Seo iad na bealaí amach ón gcathair. Ar an taobh thuaidh, a bheidh ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar fad de réir miosúir,

[31]beidh trí gheata: geata Reúbaen, geata Iúdá, geata Léiví; ainmneofar na geataí de réir treibheanna Iosrael.

[32]Ar an taobh thoir, a bheidh ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar fad, beidh trí gheata: geata Iósaef, geata Bhiniáimin, geata Dhán.

[33]Ar an taobh theas, a bheidh ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar fad, beidh trí gheata: geata Shimeon, geata Íosácár, geata Zabúlun.

[34]Ar an taobh thiar, a bheidh ceithre mhíle agus cúig chéad banlámh ar fad, beidh trí gheata: geata Ghád, geata Áiséar, geata Naftáilí.

[35] Dezoito mil côvados em redor; e o nome da cidade desde aquele dia será: O SENHOR Está Ali.

[35]Imlíne na cathrach ocht míle dhéag banlámh agus ainm na cathrach as seo amach: 'Tá an Tiarna inti.' "

Daniel	Dainéil

Daniel 1

A educação de Daniel e de seus companheiros

[1] No ano terceiro do reinado de Jeoaquim, rei de Judá, veio Nabucodonosor, rei da Babilônia, a Jerusalém e a sitiou.

[2] O SENHOR lhe entregou nas mãos a Jeoaquim, rei de Judá, e alguns dos utensílios da Casa de Deus; a estes, levou-os para a terra de Sinar, para a casa do seu deus, e os pôs na casa do tesouro do seu deus.

[3] Disse o rei a Aspenaz, chefe dos seus eunucos, que trouxesse alguns dos filhos de Israel, tanto da linhagem real como dos nobres,

[4] jovens sem nenhum defeito, de boa aparência, instruídos em toda a sabedoria, doutos em ciência, versados no conhecimento e que fossem competentes para assistirem no palácio do rei e lhes ensinasse a cultura e a língua dos caldeus.

[5] Determinou-lhes o rei a ração diária, das finas iguarias da mesa real e do vinho que ele bebia, e que assim fossem mantidos por três anos, ao cabo dos quais assistiriam diante do rei.

[6] Entre eles, se achavam, dos filhos de Judá, Daniel, Hananias, Misael e Azarias.

[7] O chefe dos eunucos lhes pôs outros nomes, a saber: a Daniel, o de Beltessazar; a Hananias, o de Sadraque; a Misael, o de Mesaque; e a Azarias, o de Abede-Nego.

Dainéil (Gr) 1

Eachtraí
Dainéil agus a Thriúr Compánach ag Fónamh do Nabúcadnazar

[1]Sa tríú bliain de réimeas Iahóiácaím, rí Iúdá, tháinig Nabúcadnazar, rí na Bablóine, go Iarúsailéim agus chuir léigear air.

[2]Thug an Tiarna Iahóiácaím, rí Iúdá, ar láimh dó agus cuid de shoithí theach Dé chomh maith; agus thug sé leis go Sionár iad seo, go teach a dhé féin, agus chuir sé na soithí i dtaisce a dhéithe féin.

[3]D'ordaigh an rí ansin do mháistir a choillteán, Aispeanaz, cuid de mhuintir Iosrael a thoghadh, de chlann an rí agus de na teaghlaigh uaisle,

[4]ógáin gan ainimh, álainn ina scéimh agus oilte i ngach dán, le bua eagna agus le tuiscint ar léann, agus é ar a gcumas fónamh i bpálás an rí; agus teanga na gCaildéach a mhúineadh dóibh seo.

[5]Dháil an rí orthu lón gach lae den bhia blasta ó bhord an rí agus den fhíon a d'óladh sé féin. Bhí siad le hoiliúint ar feadh trí bliana, agus, i gceann na haimsire sin, le freastal ar an rí.

[6]Ina measc seo bhí Dainéil, Hanainias, Míséil, agus Azairiá de threibh Iúdá.

[7]Thug máistir na gcoillteán ainmneacha orthu: ar Dhainéil thug sé Béiltiseazar, ar Hanainiá Seadrac, ar Mhíséil Méiseac, ar Azairiá Aibéid Neagó.

[8] Resolveu Daniel, firmemente, não contaminar-se com as finas iguarias do rei, nem com o vinho que ele bebia; então, pediu ao chefe dos eunucos que lhe permitisse não contaminar-se.

[8]Ach bheartaigh Dainéil nach dtruailleodh sé é féin le bia blasta an rí ná leis an bhfíon a bhí á ól aige; d'iarr sé, uime sin, ar mháistir na gcoillteán a cheadú dó nach dtruailleodh sé é féin.

[9] Ora, Deus concedeu a Daniel misericórdia e compreensão da parte do chefe dos eunucos.

[9]Thug Dia do Dhainéil bua fabhair agus cineáltais ó mháistir na gcoillteán.

[10] Disse o chefe dos eunucos a Daniel: Tenho medo do meu senhor, o rei, que determinou a vossa comida e a vossa bebida; por que, pois, veria ele o vosso rosto mais abatido do que o dos outros jovens da vossa idade? Assim, poríeis em perigo a minha cabeça para com o rei.

[10]Dúirt máistir na gcoillteán le Dainéil: “Is eagal liom an rí a shocraigh bia agus deoch daoibh mar go bhfeicfeadh sé go mbeadh sibh i gcló níos measa ná na hógáin comhaois daoibh. Ba bhaol do mo cheann an rí agaibh.”

[11] Então, disse Daniel ao cozinheiro-chefe, a quem o chefe dos eunucos havia encarregado de cuidar de Daniel, Hananias, Misael e Azarias:

[11]Labhair Dainéil leis an stíobhard a chuir máistir na gcoillteán i bhfeighil Dhainéil, Haniainiá, Mhíséil agus Azairiá:

[12] Experimenta, peço-te, os teus servos dez dias; e que se nos dêem legumes a comer e água a beber.

[12]“Promhaigh do shearbhóntaí ar feadh deich lá, impím ort; tugtar glasraí mar bhia dúinn agus uisce le hól.

[13] Então, se veja diante de ti a nossa aparência e a dos jovens que comem das finas iguarias do rei; e, segundo vires, age com os teus servos.

[13]Déan ár gceannaithe agus ceannaithe na n-ógán a itheann bia blasta an rí a iniúchadh, agus déan le do sheirbhísigh beart de réir mar a fheicfidh tú.”

[14] Ele atendeu e os experimentou dez dias.

[14]Ghéill sé dóibh sa ghnó seo agus phromhaigh sé iad ar feadh deich lá.

[15] No fim dos dez dias, a sua aparência era melhor; estavam eles mais robustos do que todos os jovens que comiam das finas iguarias do rei.

[15]I gceann an deich lá chonacthas gurbh fhearr a ndealramh, agus gur mhó an cothú feola a bhí orthu, ná ar na hogáin uile a d'ith bia blasta an rí.

[16] Com isto, o cozinheiro-chefe tirou deles as finas iguarias e o vinho que deviam beber e lhes dava legumes.

[16]Thóg an stíobhard uathu dá bhrí sin a mbia blasta agus an fíon a bhí le hól acu agus dháil orthu na glasraí.

[17] Ora, a estes quatro jovens Deus deu o conhecimento e a inteligência em toda cultura e sabedoria; mas a Daniel deu inteligência de todas as visões e sonhos.

[17]Dála an cheathrar ógánach seo, bhronn Dia orthu eolas agus clisteacht san uile fhoghlaim agus eagna; agus bhí tuiscint ag Dainéil ar fhíseanna agus ar aislingí de gach sort.

[18] Vencido o tempo determinado pelo rei para que os trouxessem, o chefe dos eunucos os trouxe à presença de Nabucodonosor.

[18]Nuair a tháinig an t-am a d'ordaigh an rí iad a thabhairt ina láthair, thug máistir na gcoillteán isteach os comhair Nabúcadnazar iad.

[19] Então, o rei falou com eles; e, entre todos, não foram achados outros como Daniel, Hananias, Misael e Azarias; por isso, passaram a assistir diante do rei.

[19]Labhair an rí leo, agus ina measc uile ní bhfuarthas neach mar Dhainéil, Hanainiá, Míséil agus Azairiá. Uime sin d'fhóin siad don rí.

[20] Em toda matéria de sabedoria e de inteligência sobre que o rei lhes fez perguntas, os achou dez vezes mais doutos do que todos os magos e encantadores que havia em todo o seu reino.

[20]I ngach cúis eagna agus tuisceana dár chuir sé faoina mbráid fuair sé iad níos fearr faoi dheich ná lucht draíochta agus asarlaíochta uile a ríochta.

[21] Daniel continuou até ao primeiro ano do rei Ciro.

[21]D'fhan an scéal amhlaidh ag Dainéil go dtí an chéad bhliain de réimeas Chíorais.

Daniel 2

Daniel interpreta o sonho de Nabucodonosor

[1] No segundo ano do reinado de Nabucodonosor, teve este um sonho; o seu espírito se perturbou, e passou-se-lhe o sono.

[2] Então, o rei mandou chamar os magos, os encantadores, os feiticeiros e os caldeus, para que declarassem ao rei quais lhe foram os sonhos; eles vieram e se apresentaram diante do rei.

[3] Disse-lhes o rei: Tive um sonho, e para sabê-lo está perturbado o meu espírito.

Dainéil (Gr) 2

Taibhreamh Nabúcadnazar: an Íomhá Chumaisc

[1]Sa dara bliain de réimeas Nabúcadnazar rinneadh taibhrimh do Nabúcadnazar i dtreo gur suaitheadh a spiorad agus gur thréig an codladh é.

[2]Ansin d'ordaigh an rí glaoch ar an lucht gintlíochta agus draíochta, ar na hasarlaithe agus ar na Caildéigh, chun a thaibhrimh a insint don rí. Tháinig siadsan isteach dá bhrí sin agus sheas siad i láthair an rí.

[3]Dúirt an rí leo ansin: “Chonaic mé taibhreamh agus buaireadh mo spiorad le fonn an taibhreamh a thuiscint.”

[4] Os caldeus disseram ao rei em aramaico: Ó rei, vive eternamente! Dize o sonho a teus servos, e daremos a interpretação.

[5] Respondeu o rei e disse aos caldeus: Uma coisa é certa: se não me fizerdes saber o sonho e a sua interpretação, sereis despedaçados, e as vossas casas serão feitas monturo;

[6] mas, se me declarardes o sonho e a sua interpretação, recebereis de mim dádivas, prêmios e grandes honras; portanto, declarai-me o sonho e a sua interpretação.

[7] Responderam segunda vez e disseram: Diga o rei o sonho a seus servos, e lhe daremos a interpretação.

[8] Tornou o rei e disse: Bem percebo que quereis ganhar tempo, porque vedes que o que eu disse está resolvido,

[9] isto é: se não me fazeis saber o sonho, uma só sentença será a vossa; pois combinastes palavras mentirosas e perversas para as proferirdes na minha presença, até que se mude a situação; portanto, dizei-me o sonho, e saberei que me podeis dar-lhe a interpretação.

[10] Responderam os caldeus na presença do rei e disseram: Não há mortal sobre a terra que possa revelar o que o rei exige; pois jamais houve rei, por grande e poderoso que tivesse sido, que exigisse semelhante

[4]D'fhreagair na Caildéigh an rí: “A rí, fad gach aon fhaid ar do shaol. Inis do thaibhreamh do do shearbhóntaí agus léireoimid a chiall.”

[5]D'fhreagair an rí na Caildéigh: “Chun gurbh eol daoibh mo bheartas cinnte: mura léiríonn sibh mo thaibhreamh agus a chiall domsa, stollfar bhur mbaill óna chéile agus scartálfar bhur dtithe ó bhonn.

[6]Ach má léiríonn sibh mo thaibhreamh agus a chiall dom gheobhaidh sibh uaim tabhartais agus luaíochtaí agus iomad onóra. Léirígí dom an taibhreamh dá bhrí sin agus mínigí dom a chiall.”

[7]D'fhreagair siad athuair: “Insíodh an rí a thaibhreamh dá shearbhóntaí, agus léireoimidne a chiall.”

[8]Dúirt an rí á bhfreagairt: “Is eol dom go bhfuil sibh ag feitheamh na faille mar go bhfuil a fhios agaibh go bhfuil mo bheartas do-athraithe fógartha,

[9]mura n-insíonn sibh an taibhreamh domsa, nach bhfuil ach an t-aon daorbhreith amháin i ndán daoibh. Tá sé beartaithe agaibh focail éithigh agus ráite oilc a labhairt i mo láthair go sleamhnaí an t-am thart. Insígí mo thaibhreamh dom dá bhrí sin agus beidh a fhios agam an féidir libh a chiall a léiriú dom.”

[10]D'fhreagair na Caildéigh an rí: “Níl aon duine ar talamh a d'fhéadfadh gnó seo an rí a fháil amach: agus, dá chomhartha sin, níl rí ná rialtóir ná taoiseach a d'iarr a leithéid ar dhraoi ná ar asarlaí ná ar Chaildéach.

coisa de algum mago, encantador ou caldeu.

[11] A coisa que o rei exige é difícil, e ninguém há que a possa revelar diante do rei, senão os deuses, e estes não moram com os homens.

[12] Então, o rei muito se irou e enfureceu; e ordenou que matassem a todos os sábios da Babilônia.

[13] Saiu o decreto, segundo o qual deviam ser mortos os sábios; e buscaram a Daniel e aos seus companheiros, para que fossem mortos.

[14] Então, Daniel falou, avisada e prudentemente, a Arioque, chefe da guarda do rei, que tinha saído para matar os sábios da Babilônia.

[15] E disse a Arioque, encarregado do rei: Por que é tão severo o mandado do rei? Então, Arioque explicou o caso a Daniel.

[16] Foi Daniel ter com o rei e lhe pediu designasse o tempo, e ele revelaria ao rei a interpretação.

[17] Então, Daniel foi para casa e fez saber o caso a Hananias, Misael e Azarias, seus companheiros,

[18] para que pedissem misericórdia ao Deus do céu sobre este mistério, a fim de que Daniel e seus companheiros não perecessem com o resto dos sábios da Babilônia.

[19] Então, foi revelado o mistério a Daniel numa visão de noite; Daniel bendisse o Deus do céu.

[11]Is crua an ní é seo a lorgann an rí agus ní fhéadfadh aon duine é a léiriú don rí ach na déithe nach bhfuil a gcónaí i measc daoine.”

[12]Dá bharr seo tháinig racht feirge ar an rí agus d'ordaigh sé saoithe uile na Bablóine a scriosadh.

[13]Fógraíodh aithne seo an rí na saoithe uile a chur chun báis, agus chuathas ar thóir Dhainéil agus a chompánach chun a mbásaithe.

[14]Ach le stuaim agus le gaois d'fhreagair Dainéil Airíoc, ceannaire gharda an rí a chuaigh amach chun saoithe na Bablóine a bhású.

[15]Dúirt sé le hAiríoc, ceann feadhna an rí: “Cad ina thaobh,” ar seisean, “go bhfuil ordú chomh dian sin ón rí?” D'inis Airíoc an scéal do Dhainéil,

[16]agus isteach le Dainéil agus d'iarr ar an rí aga a thabhairt dó chun a chiall a léiriú don rí.

[17]D'fhill Dainéil ar a theach agus lig sé an scéal le Hanainiá, Míséil agus Azairiá, a chompánaigh,

[18]chun go n-impídís trócaire Dé neimhe i dtaobh na rúndiamhaire seo, i dtreo nach scriosfaí Dainéil agus a chompánaigh i dteannta shaoithe eile na Bablóine.

[19]Ansin foilsíodh an rundiamhair do Dhainéil i bhfís oíche. An sin bheannaigh Dainéil Dia neimhe.

[20] Disse Daniel: Seja bendito o nome de Deus, de eternidade a eternidade, porque dele é a sabedoria e o poder;
[21] é ele quem muda o tempo e as estações, remove reis e estabelece reis; ele dá sabedoria aos sábios e entendimento aos inteligentes.

[22] Ele revela o profundo e o escondido; conhece o que está em trevas, e com ele mora a luz.

[23] A ti, ó Deus de meus pais, eu te rendo graças e te louvo, porque me deste sabedoria e poder; e, agora, me fizeste saber o que te pedimos, porque nos fizeste saber este caso do rei.
[24] Por isso, Daniel foi ter com Arioque, ao qual o rei tinha constituído para exterminar os sábios da Babilônia; entrou e lhe disse: Não mates os sábios da Babilônia; introduze-me na presença do rei, e revelarei ao rei a interpretação.
[25] Então, Arioque depressa introduziu Daniel na presença do rei e lhe disse: Achei um dentre os filhos dos cativos de Judá, o qual revelará ao rei a interpretação.
[26] Respondeu o rei e disse a Daniel, cujo nome era Beltessazar: Podes tu fazer-me saber o que vi no sonho e a sua interpretação?
[27] Respondeu Daniel na presença do rei e disse: O mistério que o rei exige, nem encantadores, nem magos nem astrólogos o podem revelar ao rei;

[20]Dúirt Dainéil: Go mbeannaítear ainm Dé ó aois go haois mar gur aige atá eagna agus cumhacht.
[21]Athraíonn sé uaine agus réanna agus is é a leagann síos ríthe agus a ardaíonn ríthe, a thugann eagna do shaoithe, agus eolas dóibh siúd a bhfuil tuiscint acu.
[22]Is é a léiríonn a bhfuil domhain agus diamhair, a bhfuil a fhios aige cad atá sa dorchacht a bhfuil an solas ina chónaí fairis.
[23]Duitse, a Dhia m'aithreacha, a bheirim buíochas agus moladh Mar gur bhronn tú orm eagna agus [intleacht]; féach anois mhúin tú dom an ní ar ghuíomar thú ar a shon; léirigh tú dúinn fadhb an rí.
[24]Chuaigh Dainéil isteach go hAiríoc ar thug an rí ordú dó saoithe na Bablóine a scriosadh. Chuaigh sé chuige agus dúirt: “Ná scrios saoithe na Bablóine: tabhair mise isteach i láthair an rí agus foilseoidh mé don rí a chiall siúd.”

[25]Ansin bhrostaigh Airíoc Dainéil isteach i láthair an rí agus dúirt sé leis: “Fuair mé i measc bránna Iúdá duine a inseoidh an chiall don rí.”

[26]Labhair an rí le Dainéil (ar a dtugtaí Béiltiseazar): “An féidir leat,” ar seisean, “an taibhreamh a chonaic mé agus a chiall sin, a léiriú dom?”
[27]D'fhreagair Dainéil an rí: “An rún atá á lorg ag an rí, ní féidir le saoithe ná le draoithe, le hasarlaithe ná le fáistinigh, é a thaispeáint don rí.

[28] mas há um Deus no céu, o qual revela os mistérios, pois fez saber ao rei Nabucodonosor o que há de ser nos últimos dias. O teu sonho e as visões da tua cabeça, quando estavas no teu leito, são estas:

[28]Ach tá Dia ar neamh a nochtann rúin agus tá sé curtha in iúl aige don rí Nabúcadnazar cad atá le teacht sna laethanta deireanacha. Seo d'aisling agus físeanna do chinn ar do leaba:"

[29] Estando tu, ó rei, no teu leito, surgiram-te pensamentos a respeito do que há de ser depois disto. Aquele, pois, que revela mistérios te revelou o que há de ser.

[29]"I do luí duit ar do leaba, a rí, tháinig chugat smaointe i dtaobh cad a chaithfeadh teacht chun críche níos déanaí, agus, an té a nochtann rúin, d'fhoilsigh sé duit cad tá le teacht chun críche.

[30] E a mim me foi revelado este mistério, não porque haja em mim mais sabedoria do que em todos os viventes, mas para que a interpretação se fizesse saber ao rei, e para que entendesses as cogitações da tua mente.

[30]Maidir liomsa, ní toisc aon eagna a bheith agam seachas cách a nochtadh an rúndiamhair seo dom, ach chun go bhfoilseofaí a chiall siúd don rí agus chun gurbh eol duit smaointe do chroí.

[31] Tu, ó rei, estavas vendo, e eis aqui uma grande estátua; esta, que era imensa e de extraordinário esplendor, estava em pé diante de ti; e a sua aparência era terrível.

[31]Deineadh fís duit, a rí. Féach íomhá, íomhá ollmhór, í ar bharr gile agus ina seasamh os do chomhair go haduafar le feiceáil.

[32] A cabeça era de fino ouro, o peito e os braços, de prata, o ventre e os quadris, de bronze;

[32]D'ór fíre ceann na híomhá, a hucht agus a géaga d'airgead, a bolg agus a sliasta de phrás,

[33] as pernas, de ferro, os pés, em parte, de ferro, em parte, de barro.

[33]a cosa d'iarann agus a troithe i gcuid d'iarann, i gcuid de chré.

[34] Quando estavas olhando, uma pedra foi cortada sem auxílio de mãos, feriu a estátua nos pés de ferro e de barro e os esmiuçou.

[34]D'fhéach tú; gearradh amach cloch, gan láimh duine a bhaint léi, agus bhuail sí an íomhá ina troithe d'iarann agus de chré agus rinne sí smidiríní díobh.

[35] Então, foi juntamente esmiuçado o ferro, o barro, o bronze, a prata e o ouro, os quais se fizeram como a palha das eiras no estio, e o vento os levou, e deles não se

[35]Ansin smiotadh le chéile idir iarann agus chré, idir phrás agus airgead agus ór, agus rinneadh díobh mar a bheadh cáith urláir bhuailte sa samhradh, agus rug an ghaoth

viram mais vestígios. Mas a pedra que feriu a estátua se tornou em grande montanha, que encheu toda a terra.

[36] Este é o sonho; e também a sua interpretação diremos ao rei.

[37] Tu, ó rei, rei de reis, a quem o Deus do céu conferiu o reino, o poder, a força e a glória;

[38] a cujas mãos foram entregues os filhos dos homens, onde quer que eles habitem, e os animais do campo e as aves do céu, para que dominasses sobre todos eles, tu és a cabeça de ouro.

[39] Depois de ti, se levantará outro reino, inferior ao teu; e um terceiro reino, de bronze, o qual terá domínio sobre toda a terra.

[40] O quarto reino será forte como ferro; pois o ferro a tudo quebra e esmiúça; como o ferro quebra todas as coisas, assim ele fará em pedaços e esmiuçará.

[41] Quanto ao que viste dos pés e dos artelhos, em parte, de barro de oleiro e, em parte, de ferro, será esse um reino dividido; contudo, haverá nele alguma coisa da firmeza do ferro, pois que viste o ferro misturado com barro de lodo.

[42] Como os artelhos dos pés eram, em parte, de ferro e, em parte, de barro, assim, por uma parte, o reino será forte e, por outra, será frágil.

[43] Quanto ao que viste do ferro misturado com barro de lodo, misturar-se-ão mediante casamento, mas não se ligarão

leis iad i dtreo nár fágadh rian díobh. Ach an chloch a bhuail an íomhá rinneadh cnoc mór di agus líon sí an talamh uile.

[36]B'shin an aisling, agus inseoimid a chiall anois i láthair an rí."

[37]"Is ortsa, a rí na rí, a bhronn Dia neimhe tiarnas, cumhacht, neart agus glóir;

[38]cibé áit ina gcónaíonn clann na ndaoine, míola na má, agus éanlaith an aeir, i do lámha is ea a chuir sé iad agus is tú a chuir sé mar rialtóir orthu; an ceann óir, tusa é sin.

[39]I do dhiaidh éireoidh ríocht eile is lú ná tú; agus an treas ríocht arís de phrás a bhainfidh amach forlámhas ar an domhan uile.

[40]Agus beidh an ceathrú ríocht ann, tréan mar iarann, an t-iarann a bhriseann agus a dhéanann mionrabh de gach ní, agus tuairgneoidh sí agus brisfidh sí iad seo uile mar an t-iarann a bhriseann gach ní.

[41]Na troithe seo a chonaic tú, cuid díobh de chré agus cuid díobh d'iarann, sin ríocht a bheidh deighilte; beidh cuid de neart an iarainn inti faoi mar a chonaic tú iarann cumaiscthe le cré agus láib.

[42]Na troithe seo, mar a bhí, cuid díobh de chré agus cuid díobh d'iarann, sin mar a bheidh an ríocht, i bpáirt go daingean, i bpáirt go faon.

[43]Mar a chonaic tú an t-iarann cumaiscthe le láib chré, is mar sin a bheidh siad i gcumasc le chéile ag síolrú daoine, ach ní

um ao outro, assim como o ferro não se mistura com o barro.

chloífidh siad go daingean le chéile díreach mar nach meascann an t-iarann leis an gcré.

44 Mas, nos dias destes reis, o Deus do céu suscitará um reino que não será jamais destruído; este reino não passará a outro povo; esmiuçará e consumirá todos estes reinos, mas ele mesmo subsistirá para sempre,

44I laethanta na ríthe seo, cuirfidh Dia neimhe ríocht ar bun nach scriosfar choíche, agus nach bhfágfar a fhlaitheas do dhream eile daoine. Smiotfaidh sé agus dítheoidh sé na ríochtaí seo uile, ach seasfaidh sé féin go brách,

45 como viste que do monte foi cortada uma pedra, sem auxílio de mãos, e ela esmiuçou o ferro, o bronze, o barro, a prata e o ouro. O Grande Deus fez saber ao rei o que há de ser futuramente. Certo é o sonho, e fiel, a sua interpretação.

45díreach mar a chonaic tú cloch mhór á gearradh ón gcnoc gan lámh duine ag baint léi, an chloch a rinne smidiríní den iarann, den phrás, den chré, den airgead, agus den ór. Thug an Dia Mór fios don rí cad a thiocfadh chun cinn ina dhiaidh seo. Tá an taibhreamh cinnte agus an míniú dearbh."

46 Então, o rei Nabucodonosor se inclinou, e se prostrou rosto em terra perante Daniel, e ordenou que lhe fizessem oferta de manjares e suaves perfumes.

46Thit an rí ar a bhéal agus ar a fhiacla agus thug ómós do Dhainéil agus d'ordaigh íobairt agus ofráil túise a dhéanamh dó.

47 Disse o rei a Daniel: Certamente, o vosso Deus é o Deus dos deuses, e o SENHOR dos reis, e o revelador de mistérios, pois pudeste revelar este mistério.

47Dúirt an rí le Dainéil: "Is deimhin gur Dia na ndéithe bhur nDia, agus gur Tiarna ar ríthe é, foilsitheoir na rún, ó d'fhéad tusa an rún seo a nochtadh domsa."

48 Então, o rei engrandeceu a Daniel, e lhe deu muitos e grandes presentes, e o pôs por governador de toda a província da Babilônia, como também o fez chefe supremo de todos os sábios da Babilônia.

48Thug an rí onóir ard do Dhainéil agus iomad duaiseanna móra: rinne sé rialtóir de ar chúige na Bablóine uile, agus maor ar shaoithe uile na Bablóine.

49 A pedido de Daniel, constituiu o rei a Sadraque, Mesaque e Abede-Nego sobre os negócios da província da Babilônia; Daniel, porém, permaneceu na corte do rei.

49Rinne Dainéil achainí chun an rí ansin i dtreo gur chuir sé Seadrac, Méiseac, agus Aibéid Neagó i bhfeighil gnóthaí chúige na Bablóine, ach d'fhan Dainéil féin i gcúirt an rí.

Daniel 3

Livrados os companheiros de Daniel da fornalha de fogo

[1] O rei Nabucodonosor fez uma imagem de ouro que tinha sessenta côvados de altura e seis de largura; levantou-a no campo de Dura, na província da Babilônia.

[2] Então, o rei Nabucodonosor mandou ajuntar os sátrapas, os prefeitos, os governadores, os juízes, os tesoureiros, os magistrados, os conselheiros e todos os oficiais das províncias, para que viessem à consagração da imagem que o rei Nabucodonosor tinha levantado.

[3] Então, se ajuntaram os sátrapas, os prefeitos, os governadores, os juízes, os tesoureiros, os magistrados, os conselheiros e todos os oficiais das províncias, para a consagração da imagem que o rei Nabucodonosor tinha levantado; e estavam em pé diante da imagem que Nabucodonosor tinha levantado.

[4] Nisto, o arauto apregoava em alta voz: Ordena-se a vós outros, ó povos, nações e homens de todas as línguas:

[5] no momento em que ouvirdes o som da trombeta, do pífaro, da harpa, da cítara, do saltério, da gaita de foles e de toda sorte de música, vos prostrareis e adorareis a imagem de ouro que o rei Nabucodonosor levantou.

[6] Qualquer que se não prostrar e não a adorar será, no mesmo instante, lançado na fornalha de fogo ardente.

Dainéil (Gr) 3

Adhradh na hÍomhá Óir -- An Triúr Compánach san Fhoirnéis

[1]Rinne an rí Nabúcadnazar íomhá óir trí fichid banlámh ar airde agus sé bhanlámh ar leithead. Chuir sé ina seasamh í i má Dhúrá i gcúige na Bablóine.

[2]Ansin ghairm Nabúcadnazar na satraip, na huachtaráin, na rialtóirí, na comhairleoirí, na cisteoirí, na breithiúna, na giúistisí, agus feidhmeannaigh uile na gcúigí chun teacht chun coisreacan na híomhá a bhí curtha suas ag Nabúcadnazar rí.

[3]Ansin bhí na satraip, na huachtaráin, na rialtoirí, na comhairleoirí, na cisteoirí, na breithiúna, na giúistisí, agus feidhmeannaigh uile na gcúigí cruinnithe le chéile do choisreacan na híomhá a bhí curtha suas ag an rí Nabúcadnazar agus iad ina seasamh os comhair na híomhá a bhí curtha suas ag Nabúcadnazar.

[4]D'fhógair an callaire os ard: “A dhaoine de gach cine, náisiún, agus teanga, seo daoibh an t-ordú atá tugtha:

[5]cibé uair a chloisfidh sibh glór na hadhairce, na píbe, na lire, na triogóine, na cruite, na bpíb mála agus gach sort uirlise ceoil, sibh a thitim chun talún agus adhradh a thabhairt don íomhá óir atá curtha suas ag Nabúcadnazar rí.

[6]Ach má bhíonn aon duine nach dtitfidh síos agus adhradh a thabhairt, caithfear eisean láithreach baill isteach i lár foirnéise ag spréacharnach le lasair.”

[7] Portanto, quando todos os povos ouviram o som da trombeta, do pífaro, da harpa, da cítara, do saltério e de toda sorte de música, se prostraram os povos, nações e homens de todas as línguas e adoraram a imagem de ouro que o rei Nabucodonosor tinha levantado.

[8] Ora, no mesmo instante, se chegaram alguns homens caldeus e acusaram os judeus;

[9] disseram ao rei Nabucodonosor: Ó rei, vive eternamente!

[10] Tu, ó rei, baixaste um decreto pelo qual todo homem que ouvisse o som da trombeta, do pífaro, da harpa, da cítara, do saltério, da gaita de foles e de toda sorte de música se prostraria e adoraria a imagem de ouro;

[11] e qualquer que não se prostrasse e não adorasse seria lançado na fornalha de fogo ardente.

[12] Há uns homens judeus, que tu constituíste sobre os negócios da província da Babilônia: Sadraque, Mesaque e Abede-Nego; estes homens, ó rei, não fizeram caso de ti, a teus deuses não servem, nem adoram a imagem de ouro que levantaste.

[13] Então, Nabucodonosor, irado e furioso, mandou chamar Sadraque, Mesaque e Abede-Nego. E trouxeram a estes homens perante o rei.

[7]Uime sin a luaithe a chuala na daoine glór na hadhairce, an píbe, na lire, na triogóine, na cruite, na bpíb mála, agus gach sort uirlise ceoil, rinne siad uile, idir chiníocha náisiúin, agus theangacha, iad féin a chaitheamh síos agus adhradh a thabhairt don íomhá óir a bhí curtha suas ag an rí Nabúcadnazar.

[8]Ansin tháinig Caildéigh áirithe chun tosaigh agus rinne siad gearán go mailíseach in aghaidh na nGiúdach.

[9]Dúirt siad leis an rí Nabúcadnazar: “A rí, fad gach aon fhaid ar do shaol!

[10]Thug tú ordú, a rí, gach aon duine a chloisfeadh glór na hadhairce, na píbe, na lire, na triogóine, na cruite, na bpíb mála, agus gach sórt uirlise ceoil, a thitim chun talún agus adhradh a thabhairt don íomhá óir;

[11]dá mbeadh aon duine nach dtitfeadh chun talún agus nach n-adhrfadh, é a chaitheamh isteach i lár foirnéise ag spréacharnach le lasair.

[12]Tá Giúdaigh áirithe a chuir tú i bhfeighil gnóthaí chúige na Bablóine, Seadrac, Méiseac agus Aibéid Neagó; rinne na daoine seo beag de d'orduithe, a rí; ní fhónann siad do do dhéithe ná ní adhrann siad an íomhá órga atá curtha in airde agat.”

[13]Ansin d'aithin Nabúcadnazar agus cuthach feirge air, Seadrac, Méiseac agus Aibéid Neagó a bhreith chuige. Ansin thug siad iad seo i láthair an rí.

[14] Falou Nabucodonosor e lhes disse: É verdade, ó Sadraque, Mesaque e Abede-Nego, que vós não servis a meus deuses, nem adorais a imagem de ouro que levantei?

[14]Dúirt Nabúcadnazar leo: “An fíor, a Sheadrac, a Mhéiseac, a Aibéid Neagó, nach bhfónann sibh do mo dhéithe agus nach n-adhrann sibh an íomhá óir atá curtha in airde agam?

[15] Agora, pois, estai dispostos e, quando ouvirdes o som da trombeta, do pífaro, da cítara, da harpa, do saltério, da gaita de foles, prostrai-vos e adorai a imagem que fiz; porém, se não a adorardes, sereis, no mesmo instante, lançados na fornalha de fogo ardente. E quem é o deus que vos poderá livrar das minhas mãos?

[15]Nuair a chloisfidh sibh glór na hadhairce, na píbe, na lire, na triogóine, na cruite, na bpíb mála, agus gach sórt uirlise ceoil, an bhfuil sibh ullamh sibh féin a chaitheamh chun talún agus adhradh a thabhairt don íomhá atá déanta agam? Mura ndéanann sibh í a adhradh, caithfear sibh láithreach baill isteach i lár foirnéise ag spréacharnach le lasair, agus cé hé an dia a fhuasclóidh sibh ó mo láimhse?”

[16] Responderam Sadraque, Mesaque e Abede-Nego ao rei: Ó Nabucodonosor, quanto a isto não necessitamos de te responder.

[16]D'fhreagair Seadrac, Méiseac agus Aibéid Neagó an rí Nabúcadnazar: “Ní gá dúinn,” arsa siad, “freagra a thabhairt ort sa ghnó seo.

[17] Se o nosso Deus, a quem servimos, quer livrar-nos, ele nos livrará da fornalha de fogo ardente e das tuas mãos, ó rei.

[17]Is féidir sa chás sin lenár nDia, dá bhfónaimid, sinn a shaoradh ón bhfoirnéis ag spréacharnach le lasair agus ó do láimhse, a rí; agus déanfaidh sé sinn a shaoradh.

[18] Se não, fica sabendo, ó rei, que não serviremos a teus deuses, nem adoraremos a imagem de ouro que levantaste.

[18]Mura ndéana sé amhlaidh, bíodh a fhios agat, a rí, nach bhfónfaimid do do dhia ná nach n-adhrfaimid an íomhá atá curtha in airde agat.”

[19] Então, Nabucodonosor se encheu de fúria e, transtornado o aspecto do seu rosto contra Sadraque, Mesaque e Abede-Nego, ordenou que se acendesse a fornalha sete vezes mais do que se costumava.

[19]Ansin líon Nabúcadnazar le fearg, agus chlaochlaigh dealramh a ghnúise i leith Sheadrac, Mhéiseac agus Aibéid Neagó. D'aithin sé an fhoirnéis a théamh níos teo faoi sheacht ná mar ba ghnáth

[20] Ordenou aos homens mais poderosos que estavam no seu exército que atassem a Sadraque, Mesaque e Abede-Nego e os lançassem na fornalha de fogo ardente.

[21] Então, estes homens foram atados com os seus mantos, suas túnicas e chapéus e suas outras roupas e foram lançados na fornalha sobremaneira acesa.

[22] Porque a palavra do rei era urgente e a fornalha estava sobremaneira acesa, as chamas do fogo mataram os homens que lançaram de cima para dentro a Sadraque, Mesaque e Abede-Nego.

[23] Estes três homens, Sadraque, Mesaque e Abede-Nego, caíram atados dentro da fornalha sobremaneira acesa.

[20]agus d'ordaigh sé do thréanfhir áirithe dá shluaite Seadrac, Méiseac agus Aibéid Neagó a cheangal agus a theilgean isteach san fhoirnéis ag spréacharnach le lasair.

[21]Ansin ceanglaíodh iad agus idir mhatail agus chótaí, idir hataí agus éidí eile á gcaitheamh acu, agus teilgeadh iad isteach san fhoirnéis ag spréacharnach le lasair.

[22]Ba theann é ordú an rí agus ba the í an tine, agus dá bharr sin loisc lasair na tine ina mbeatha na fir a d'iompair Seadrac, Méiseac agus Aibéid Neagó.

[23]Ach maidir leis an triúr, Seadrac, Méiseac agus Aibéid Neagó, thit siad faoina gceangail isteach san fhoirnéis ag spréacharnach le lasair.

Urnaí Azairiá san Fhoirnéis

[24]Shiúil siad timpeall i lár na lasrach ag moladh Dé, agus ag glóiriú an Tiarna.

[25]Sheas Azairiá agus ghuigh mar a leanas ag oscailt a bhéil i lár na lasrach ag rá:

[26]Glóir duit, a Thiarna, Dia ár n-aithreacha, a thuilleann moladh, agus moladh go deo le d'ainm.

[27]Mar is cóir thú i ngach a bhfuil déanta agat agus is fíor d'oibreacha go léir, is is díreach do shlite, is is fírinneach do bhreithiúnais.

[28]Thug tú breith chóir i ngach ar sheol tú orainn agus ar chathair naofa ár n-aithreacha, Iarúsailéim. Mar san fhírinne agus sa cheart thug tú iad seo uile orainn trínár bpeacaí.

[29]Sea, pheacaíomar uile agus rinneamar thú a thréigean go héagórach. Pheacaíomar go mór agus níor ghéilleamar do d'aitheanta.

[30]Níor chomhlíonamar iad, ná ní dhearnamar ar ordaíodh dúinn ar mhaithe linn féin.

[31]Uime sin gach ar thug tú sa mhullach orainn, gach a ndearna tú linn, tá siad seo déanta agat sa tslánchóir.

[32]Thug tú sinn i lámha ár namhad, do phobal gan reacht agus do dhíogha na gcoirpeach, agus do rí ró-olc, do rí rómhailíseach thar ríthe uile an domhain.

[33]Inniu ní féidir linn ár mbéal a oscailt; táir agus tarcaisne is dán do do shearbhóntaí agus do lucht d'adhartha.

[34]Ná tréig sinn ar fad ar son d'aimn agus ná bris do chonradh.

[35]Ná tóg ar ais uainn do thrócaire ar son Abrahám do chara, agus Íosác do shearbhónta, is Iosrael do neach naofa,

[36]ar gheall tú dóibh clann chomh líonmhar le réaltaí neimhe, agus le gaineamh ar thrá na mara.

[37]Féach, a Thiarna, is sinne is lú de na ciníocha uile, agus táimid faon inniu ar chlár na cruinne de dheasca ár bpeacaí.

[38]Faoi láthair níl againn taoiseach, ná fáidh, ná prionsa, uileloscadh, ná íobairt, ná abhlann, ná túis, ná ionad chun céadtorthaí a thoirbhirt duit,

[39]agus trócaire a fháil os do chomhair. Ach, le doilíos croí agus in umhlaíocht spioraid, go nglactar linn,

[40]mar a ghlacfaí le huileloscadh reithí agus tarbh agus leis na mílte ar dheich mílte d'uain mhéithe; gurb amhlaidh sin dár n-íobairt inniu os do chomhair, i slí is go leanfaimid thú go hiomlán, mar níl aon náire i ndán dóibh siúd a bhfuil a muinín asatsa.
[41]Anois leanaimid thú ó chroí lán; tá d'eagla orainn agus fonn radharc a fháil ar do ghnúis.
[42]Ná cuir náire orainn, ach láimhsigh sinn de réir do chineáltachta agus de réir do thrócaire rómhór.
[43]Fuascail sinn de réir d'oibreacha taibhseacha, agus tabhair glóir do d'ainm, a Thiarna.
[44]Deargnáire ar chách a dhéanann díobháil do do shearbhóntaí; go raibh siad faoi tháir, a gcumhacht uile ar ceal, agus a neart go léir cloíte.
[45]Bíodh a fhios acu gur tusa amháin is Dia agus is Tiarna, faoi ghlóir ar fud an domhain uile.
[46]Anois searbhóntaí an rí a chaith isteach iad, níor staon siad ach ag cothú na tine le nafta, le pic, le barrach agus le brosna.
[47]D'ardaigh an lasair naoi mbanlámh agus daichead os cionn na foirnéise in airde,
[48]agus bhrúcht sí amach agus dhóigh sí a bhfuair sí de Chaildéigh timpeall na foirnéise.
[49]Ach chuaigh aingeal an Tiarna síos san fhoirnéis le hAzairiá agus a chompánaigh, agus thiomáin sé an lasair spréacharnach as an fhoirnéis amach

[50]i dtreo go raibh lár na foirnéise faoi mar a bheadh leoithne chumhra ghaoithe ann agus drúcht léi, agus níor theagmhaigh an lasair leo ar aon chor ná ní dhearna sí díobháil dóibh ná níor chuir cás orthu.

Caintic an Triúr Óganach

[51]Ansin mhol, mhór agus ghlóirigh an triúr Dia d'aon ghuth san fhoirnéis agus dúirt siad:

[52]Is beannaithe, a Thiarna, Dia ar n-aithreacha, le moladh agus le glóiriú de shíor. Is beannaithe é do naomhainm uasal, le moladh agus le glóiriú de shíor.

[53]Is beannaithe thú i dteampall do naomhghlóire, le móradh agus le mórghlóiriú go deo.

[54]Is beannaithe thú ag iniúchadh na nduibheagán agus i do shuí ar na ceiribíní, le moladh go hard agus le móradh go deo.

[55]Is beannaithe thú i gcathaoir ríoga do fhlaithis, le móradh agus le mórghlóiriú de shíor.

[56]Is beannaithe thú i bhfirmimint neimhe, le hadhmholadh agus le mórghlóiriú go deo.

[57]Glóirígí an Tiarna, a oibreacha uile an Tiarna, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.

[58]Glóirígí an Tiarna, a aingle an Tiarna, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.

[59]Glóirígí an Tiarna, a spéartha thuas, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.

[60]Glóirígí an Tiarna, a uiscí os cionn na spéartha, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.

[61]Glóirígí an Tiarna, a chumhachtaí uile an Tiarna, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
[62]Glóirígí an Tiarna, a ghrian agus a ghealach, molaigí agus móraigí é go hard de shíor.
[63]Glóirígí an Tiarna, a réaltaí na spéire, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
[64]Glóirígí an Tiarna, a bháisteach agus a dhrúcht de gach sórt, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
[65]Glóirígí an Tiarna, a ghaotha uile, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
[66]Glóirígí an Tiarna, a thine agus a theas, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
[67][Glóirígí an Tiarna, a fhuacht agus a bhrothaill, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
[68]Glóirígí an Tiarna, a dhrúcht agus a shneachta go léir, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.]
[69]Glóirígí an Tiarna, a shioc agus a oighir, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
[70]Glóirígí an Tiarna, a oícheanta agus a laethanta, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
[71]Glóirígí an Tiarna, a sholais agus a dhorchadais, molaigí é águs móraigí é go hard de shíor.
[72]Glóirígí an Tiarna, a reo agus a shneachta go léir, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
[73]Glóirígí an Tiarna, a léasa agus a scamalla molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.

74Glóiríodh an talamh an Tiarna, moladh sé é agus móradh sé é de shíor.
75Glóirígí an Tiarna, a shléibhte agus a chnoca, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
76Glóirígí an Tiarna, a luibheanna a fhásann ar an talamh, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
77Glóirígí an Tiarna a thoibreacha uile, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
78Glóirígí an Tiarna, a fharraigí agus a aibhneacha, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
79Glóirígí an Tiarna, a mhíola móra agus gach a ngluaiseann sna huiscí, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
80Glóirígí an Tiarna, a éanlaith uile an aeir, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
81Glóirígí an Tiarna, a ainmhithe agus a tháinte, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
82Glóirígí an Tiarna, a dhaoine an tsaoil, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
83Glóirígí an Tiarna, a Iosrael, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
84Glóirígí an Tiarna, a shagarta, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
85Glóirígí an Tiarna, a shearbhóntaí Dé, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.
86Glóirígí an Tiarna, a spiorada agus a anamacha na bhfíréan, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.

[87]Glóirígí an Tiarna, a naomha agus a ísle ó chroí, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor.

[88]Glóirígí an Tiarna, a Hanainiá, a Azairiá, a Mhíséil, molaigí é agus móraigí é go hard de shíor, mar d'fhuascail sé sinn ó Sheól, sciob sé sinn ó chumhacht an bháis, shaor sé sinn ó lasair loiscneach na foirnéise, agus d'fhuascail sé sinn ó lár na tine.

[89]Beirigí buíochas le Dia, mar is maith é, mar maireann a thrócaire go deo.

[90]Glóirígí Dia na ndéithe, sibhse uile a adhrann an Tiarna, molaigí é agus altaígí dó, mar maireann a thrócaire le saol na saol.

[24] Então, o rei Nabucodonosor se espantou, e se levantou depressa, e disse aos seus conselheiros: Não lançamos nós três homens atados dentro do fogo? Responderam ao rei: É verdade, ó rei.

[91]Ansin tháinig líonrith ar an rí Nabúcadnazar agus d'éirigh sé faoi dheifir. Chuir sé ceist ar a chomhairleoirí: “Nach triúr fear i gcuibhreacha a chaitheamar isteach sa tine?” D'fhreagair siadsan an rí: “Sea go deimhin, a rí.”

[25] Tornou ele e disse: Eu, porém, vejo quatro homens soltos, que andam passeando dentro do fogo, sem nenhum dano; e o aspecto do quarto é semelhante a um filho dos deuses.

[92]Dúirt seisean: “Feicim, áfach, ceathrar fear gan chuibhreacha ag siúl timpeall i lár na tine gan dochar déanta dóibh, agus is cosúil le mac de chuid na ndéithe an ceathrú duine ar a dhealramh.”

[26] Então, se chegou Nabucodonosor à porta da fornalha sobremaneira acesa, falou e disse: Sadraque, Mesaque e Abede-Nego, servos do Deus Altíssimo, saí e vinde! Então, Sadraque, Mesaque e Abede-Nego saíram do meio do fogo.

[93]Ansin dhruid Nabúcadnazar le béal na foirnéise ag spréacharnach le lasair agus dúirt: “A Sheadrac, a Mhéiseac, a Aibéid Neagó, a fhónann don Dia ro-ard, tagaigí amach, agus tagaigí anseo.” Ansin tháinig Seadrac, Méiseac agus Aibéid Neagó amach as lár na tine.

[27] Ajuntaram-se os sátrapas, os prefeitos, os governadores e conselheiros do rei e viram que o fogo não teve poder algum sobre os corpos destes homens; nem foram chamuscados os cabelos da sua cabeça, nem os seus mantos se mudaram, nem cheiro de fogo passara sobre eles.

[94]Chruinnigh na satraip, na huachtaráin, na rialtóirí, na comhairleoirí le chéile agus chonaic siad nach raibh cumhacht ar bith ag an tine ar chorp na bhfear úd agus nár loisceadh folt a gcinn, nár milleadh a n-éadaí, agus nár bhain boladh na tine leo.

[28] Falou Nabucodonosor e disse: Bendito seja o Deus de Sadraque, Mesaque e Abede-Nego, que enviou o seu anjo e livrou os seus servos, que confiaram nele, pois não quiseram cumprir a palavra do rei, preferindo entregar o seu corpo, a servirem e adorarem a qualquer outro deus, senão ao seu Deus.

[95]Labhair Nabúcadnazar agus dúirt go hard: “Moladh le Dia Sheadrac, Mhéiseac agus Aibéid Neagó a chuir uaidh a aingeal, agus a d'fhuascail a shearbhóntaí a chuir a muinín ann; níor ghéill siad d'ordú an rí ach a gcorp a thabhairt suas níos túisce ná fónamh do dhia ar bith ach a nDia féin, ná é a adhradh.

[29] Portanto, faço um decreto pelo qual todo povo, nação e língua que disser blasfêmia contra o Deus de Sadraque, Mesaque e Abede-Nego seja despedaçado, e as suas casas sejam feitas em monturo; porque não há outro deus que possa livrar como este.

[96]Uime sin tugaim ordú: ‘Aon phobal nó treibh nó teanga a labhróidh focal in aghaidh Dé Sheadrac, Mhéiseac agus Aibéid Neagó a stolladh ina spólaí agus a dtithe a scartáil ó bhonn: mar níl aon dia eile a fhéadann fóirithint ar an gcuma seo.’ ”

[30] Então, o rei fez prosperar a Sadraque, Mesaque e Abede-Nego na província da Babilônia.

[97]Ansin chuir an rí Seadrac, Méiseac agus Aibéid Neagó chun cinn i gcúige na Bablóine.

Daniel 4

A loucura de Nabucodonosor

Taibhreamh Nabúcadnazar agus a Bhuile

[1] O rei Nabucodonosor a todos os povos, nações e homens de todas as línguas, que habitam em toda a terra: Paz vos seja multiplicada!

[98]Nabúcadnazar, rí, do gach pobal, treibh agus teanga dá gcónaíonn ar talamh i ngach cearn: Síocháin libh ina tuile!

[2] Pareceu-me bem fazer conhecidos os sinais e maravilhas que Deus, o Altíssimo, tem feito para comigo.

[99]Bheartaigh mé gur chóir na comharthaí agus na fearta a thug an tArd-Dia chun críche tríomsa a fhoilsiú.

[3] Quão grandes são os seus sinais, e quão poderosas, as suas maravilhas! O seu reino é reino sempiterno, e o seu domínio, de geração em geração.

[100]Nach mór iad a chomharthaí! Nach tréan iad a fhearta! Ríocht shíoraí a ríocht! Tá a fhlaitheas ó ghlúin go glúin!

Dainéil (Gr) 4

[4] Eu, Nabucodonosor, estava tranqüilo em minha casa e feliz no meu palácio.

[5] Tive um sonho, que me espantou; e, quando estava no meu leito, os pensamentos e as visões da minha cabeça me turbaram.

[6] Por isso, expedi um decreto, pelo qual fossem introduzidos à minha presença todos os sábios da Babilônia, para que me fizessem saber a interpretação do sonho.

[7] Então, entraram os magos, os encantadores, os caldeus e os feiticeiros, e lhes contei o sonho; mas não me fizeram saber a sua interpretação.

[8] Por fim, se me apresentou Daniel, cujo nome é Beltessazar, segundo o nome do meu deus, e no qual há o espírito dos deuses santos; e eu lhe contei o sonho, dizendo:

[9] Beltessazar, chefe dos magos, eu sei que há em ti o espírito dos deuses santos, e nenhum mistério te é difícil; eis as visões do sonho que eu tive; dize-me a sua interpretação.

[10] Eram assim as visões da minha cabeça quando eu estava no meu leito: eu estava olhando e vi uma árvore no meio da terra, cuja altura era grande;

[1]Bhí mise, Nabúcadnazar, go socair i mo theach agus faoi bhláth i mo phálás.

[2]Rinneadh taibhreamh dom a chuir scanradh orm: i mo luí dom ar mo leaba bhuair mo smaointe agus físeanna mo chinn mé.

[3]Uime sin thug mé ordú saoithe na Bablóine uile a thabhairt i mo láthair i dtreo go n-inseoidís ciall an taibhrimh dom.

[4]Ansin tháinig na draoithe, na hasarlaithe, na Caildéigh agus na fáistinigh isteach agus d'inis mé an taibhreamh dóibh, ach ní fhéadfaidís a chiall a chur in iúl dom.

[5]Faoi dheireadh tháinig Dainéil isteach i mo láthair - é siúd ar ar tugadh Béiltiseazar de réir ainm mo dhé, agus ina bhfuil spiorad an Naomh-Dhé - agus d'inis mé an taibhreamh dó á rá:

[6]“A Bhéiltiseazar, a cheannaire na ndraoithe, mar gurb eol dom go bhfuil spiorad an Naomh-Dhé ionat agus nach cás duit aon rún: seo é an taibhreamh a rinneadh dom agus inis a chiall dom:

[7]Ba iad seo físeanna mo chinn ar mo luí dom ar mo leaba: Féach: crann i lár na talún; ba mhór a airde.

[11] crescia a árvore e se tornava forte, de maneira que a sua altura chegava até ao céu; e era vista até aos confins da terra.

[12] A sua folhagem era formosa, e o seu fruto, abundante, e havia nela sustento para todos; debaixo dela os animais do campo achavam sombra, e as aves do céu faziam morada nos seus ramos, e todos os seres viventes se mantinham dela.

[13] No meu sonho, quando eu estava no meu leito, vi um vigilante, um santo, que descia do céu,

[14] clamando fortemente e dizendo: Derribai a árvore, cortai-lhe os ramos, derriçai-lhe as folhas, espalhai o seu fruto; afugentem-se os animais de debaixo dela e as aves, dos seus ramos.

[15] Mas a cepa, com as raízes, deixai na terra, atada com cadeias de ferro e de bronze, na erva do campo. Seja ela molhada do orvalho do céu, e a sua porção seja, com os animais, a erva da terra.

[16] Mude-se-lhe o coração, para que não seja mais coração de homem, e lhe seja dado coração de animal; e passem sobre ela sete tempos.

[17] Esta sentença é por decreto dos vigilantes, e esta ordem, por mandado dos santos; a fim de que conheçam os viventes que o Altíssimo tem domínio sobre o reino dos homens; e o dá a quem quer e até ao mais humilde dos homens constitui sobre eles.

[8]D'fhás an crann agus neartaigh; ráinig a bharr chun neimhe, agus bhí radharc air ó chiumhaiseanna na cruinne.

[9]B'álainn a dhuilliúr, ba líonmhar a thoradh. Ba ann a fuair cách cothú, Bhí sé ina scáth ag ainmhithe an mhachaire, agus lonnaigh éanlaith an aeir ina ghéaga, agus cothaíodh an uile fheoil leis.

[10]Chonaic mé i bhfíseanna mo chinn ar mo leaba: Féach! fear faire fíréan a tháinig ó neamh anuas.

[11]D'fhógair sé in ard a chinn: ‘Gearraigí anuas an crann, ciorraígí a ghéaga de, croithigí a dhuilliúr de, cuirigí scaipeadh ar a thoradh; teitheadh na hainmhithe óna scáth, agus an éanlaith óna ghéaga.

[12]Ach fágaigí an stocán leis na fréamhacha sa talamh, agus slabhra iarainn agus práis á cheangal, i bhféar mín an mhachaire. Fliuchtar é ó dhrúcht neimhe, agus gurb é féar na talún a chuid ronna i gcuibhreann na n-ainmhithe fiáine.

[13]Athraítear a chroí ó bheith ina chroí daonna; tugtar croí ainmhí dó, agus téadh seacht n-aimsir thairis.

[14]Sin breith na bhfear faire agus réiteach na ceiste i bhfocal na Naomh, d'fhonn is go mbeadh a fhios ag gach aon duine beo go bhfuil flaitheas ag an té is Airde ar ríocht na ndaoine; agus go dtugann sé í don té is mian leis agus go gcuireann sé an té is uirísle ar dhaoine os a cionn.’

[18] Isto vi eu, rei Nabucodonosor, em sonhos. Tu, pois, ó Beltessazar, dize a interpretação, porquanto todos os sábios do meu reino não me puderam fazer saber a interpretação, mas tu podes; pois há em ti o espírito dos deuses santos.

[19] Então, Daniel, cujo nome era Beltessazar, esteve atônito por algum tempo, e os seus pensamentos o turbavam. Então, lhe falou o rei e disse: Beltessazar, não te perturbe o sonho, nem a sua interpretação. Respondeu Beltessazar e disse: SENHOR meu, o sonho seja contra os que te têm ódio, e a sua interpretação, para os teus inimigos.

[20] A árvore que viste, que cresceu e se tornou forte, cuja altura chegou até ao céu, e que foi vista por toda a terra,

[21] cuja folhagem era formosa, e o seu fruto, abundante, e em que para todos havia sustento, debaixo da qual os animais do campo achavam sombra, e em cujos ramos as aves do céu faziam morada,

[22] és tu, ó rei, que cresceste e vieste a ser forte; a tua grandeza cresceu e chega até ao céu, e o teu domínio, até à extremidade da terra.

[23] Quanto ao que viu o rei, um vigilante, um santo, que descia do céu e que dizia: Cortai a árvore e destruí-a, mas a cepa com as raízes deixai na terra, atada com cadeias de ferro e de bronze, na erva do campo; seja ela molhada do orvalho do céu, e a sua porção seja com os animais do

[15]“Sin é agaibh an taibhreamh a rinneadh domsa, Nabúcadnazar rí. Agus tusa, a Bhéiltiseazar, foilsigh a chiall mar nár fhéad aon duine de shaoithe mo ríochta a chiall a fhoilsiú dom; ach féadann tusa mar tá spiorad an Naomh-Dhe ionat.”

[16]Ansin bhí Dainéil - ar a dtugtaí Béiltiseazar - trí chéile scaitheamh agus ar mearbhall aigne. Labhair an rí agus dúirt: “Ná cuireadh an taibhreamh seo ná a chiall aon chaduaic ort, a Bhéiltiseazar.” D'fhreagair Béiltiseazar: “Go raibh an taibhreamh seo dóibh siúd a thugann fuath duit, agus a chiall do do naimhde.

[17]An crann sin a chonaic tú, mór agus láidir, agus a ráinig chun neimhe, agus a raibh radharc air ó chiumhaiseanná na cruinne,

[18]arbh álainn a dhuilliúr agus arbh líonmhar a thoradh, a chothaigh cách, agus a thug scáth d'ainmhithe an mhachaire, agus ar lonnaigh éanlaith an aeir ina ghéaga -

[19]sin é tusa, a rí, a d'fhás agus a neartaigh. Mhéadaigh ar d'ardréim agus ráinig chun neimhe, agus do fhlaitheas go ciumhaiseanna na cruinne.

[20]Agus maidir leis seo a chonaic an rí: fear faire, naomh, a tháinig anuas ó neamh agus a dúirt: ‘Gearraigí anuas an crann, milligí é, ach fágaigí an stocán agus na fréamhacha sa talamh, faoi shlabhraí iarainn agus práis, i bhfèar mín an mhachaire, fliuchtar é ó dhrúcht neimhe

campo, até que passem sobre ela sete tempos,

agus bíodh a chuid aige i gcuibhreann an n-ainmhithe fiáine, go dté seacht n-aimsir thairis' -

24 esta é a interpretação, ó rei, e este é o decreto do Altíssimo, que virá contra o rei, meu senhor:

21seo í an chiall, a rí, agus reacht an té is Airde atá tagtha i bhfeidhm ar mo thiarna, an rí:

25 serás expulso de entre os homens, e a tua morada será com os animais do campo, e dar-te-ão a comer ervas como aos bois, e serás molhado do orvalho do céu; e passar-se-ão sete tempos por cima de ti, até que conheças que o Altíssimo tem domínio sobre o reino dos homens e o dá a quem quer.

22Díbreofar thú ó chomhluadar daoine, agus lonnóidh tú le hainmhithe an mhachaire, agus caithfidh tú féar a ithe dála an daimh; fliuchfar thú ó dhrúcht neimhe, agus rachaidh seacht n-aimsir tharat, chun go mbeidh a fhios agat gur ag an té is Airde atá ardfhlaitheas ar ríocht na ndaoine, agus go dtugann sé í don té is áil leis.

26 Quanto ao que foi dito, que se deixasse a cepa da árvore com as suas raízes, o teu reino tornará a ser teu, depois que tiveres conhecido que o céu domina.

23“Agus an t-ordú seo: Fágaigí an stocán agus fréamhacha an chrainn, ciallaíonn sé go seasfaidh do ríocht duit nó go mbeidh a fhios agat gurb é Neamh a rialaíonn gach ní.

27 Portanto, ó rei, aceita o meu conselho e põe termo, pela justiça, em teus pecados e em tuas iniqüidades, usando de misericórdia para com os pobres; e talvez se prolongue a tua tranqüilidade.

24Glac mo chomhairle dá bhrí sin, a rí: Ruaig uait do pheacaí leis an bhfíréantacht a chleachtadh agus d'urchóidí le déirc do bhochta d'fhonn go rachadh fad ar do shíocháin.”

28 Todas estas coisas sobrevieram ao rei Nabucodonosor.

25Tháinig sé sin go léir sa mhullach ar Nabúcadnazar.

29 Ao cabo de doze meses, passeando sobre o palácio real da cidade de Babilônia,

26I gceann dhá mhí dhéag bhí sé ag spaisteoireacht ar dhíon pháláis ríoga sa Bhablóin.

30 falou o rei e disse: Não é esta a grande Babilônia que eu edifiquei para a casa real, com o meu grandioso poder e para glória da minha majestade?

27Agus dúirt an rí: “Nach í seo an Bhablóin mhór a thóg mé mar shuí ríogachta le neart mo chumhachta agus chun glóir mo mhórgachta?”

[31] Falava ainda o rei quando desceu uma voz do céu: A ti se diz, ó rei Nabucodonosor: Já passou de ti o reino.

[32] Serás expulso de entre os homens, e a tua morada será com os animais do campo; e far-te-ão comer ervas como os bois, e passar-se-ão sete tempos por cima de ti, até que aprendas que o Altíssimo tem domínio sobre o reino dos homens e o dá a quem quer.

[33] No mesmo instante, se cumpriu a palavra sobre Nabucodonosor; e foi expulso de entre os homens e passou a comer erva como os bois, o seu corpo foi molhado do orvalho do céu, até que lhe cresceram os cabelos como as penas da águia, e as suas unhas, como as das aves.

[34] Mas ao fim daqueles dias, eu, Nabucodonosor, levantei os olhos ao céu, tornou-me a vir o entendimento, e eu bendisse o Altíssimo, e louvei, e glorifiquei ao que vive para sempre, cujo domínio é sempiterno, e cujo reino é de geração em geração.

[35] Todos os moradores da terra são por ele reputados em nada; e, segundo a sua vontade, ele opera com o exército do céu e os moradores da terra; não há quem lhe possa deter a mão, nem lhe dizer: Que fazes?

[36] Tão logo me tornou a vir o entendimento, também, para a dignidade do meu reino, tornou-me a vir a minha

[28]Sula raibh na focail sin thar a bhéal aige thit guth ó na flaithis: Is leatsa a labhraíodh, a rí Nabúcadnazar! Tá an flaitheas imithe uait!

[29]Díbreofar thú ó chomhluadar daoine, agus lonnóidh tú le hainmhithe an mhachaire. Caithfidh tú féar a ithe dála an daimh, agus rachaidh seacht n-aimsir tharat, chun go mbeidh a fhios agat gur ag an Té is Airde atá ardfhlaitheas ar ríocht na ndaoine, agus go dtugann sé í don té is áil leis.

[30]Tháinig an briathar chun críche ar Nabúcadnazar gan mhoill. Díbríodh ó chomhluadar daoine é, agus chrom sé ar fhéar a ithe dála an daimh; fliuchadh é ó dhrúcht neimhe nó gur fhás a ghruaig mar chleiteach iolair, agus a ingne mar chrúba éin.

[31]I gcríoch na laethanta úd, thóg mise, Nabúcadnazar, mo shúile chun neimhe; d'fhill mo mheabhair orm agus bheannaigh mé an Té is Airde: Mhol mé agus ghlóirigh mé é siúd a mhaireann go brách. Flaitheas síoraí a fhlaitheas. Tá a thiarnas ó ghlúin go glúin.

[32]Sa mheá le náid a chuirtear áitritheoirí uile na cruinne; ar a thoil atá riaradh sluaite neimhe, agus áitritheoirí na cruinne. Ní fhéadann neach a lámh a chosc ná a rá leis: “Cad atá agat á dhéanamh?

[33]Láithreach bonn d'fhill mo mheabhair orm, agus, chun glóir mo ríogachta, d'fhill orm m'onóir agus mo dhealramh. Lorg mo

majestade e o meu resplendor; buscaram-me os meus conselheiros e os meus grandes; fui restabelecido no meu reino, e a mim se me ajuntou extraordinária grandeza.

[37] Agora, pois, eu, Nabucodonosor, louvo, exalço e glorifico ao Rei do céu, porque todas as suas obras são verdadeiras, e os seus caminhos, justos, e pode humilhar aos que andam na soberba.

Daniel 5

A escritura na parede

[1] O rei Belsazar deu um grande banquete a mil dos seus grandes e bebeu vinho na presença dos mil.

[2] Enquanto Belsazar bebia e apreciava o vinho, mandou trazer os utensílios de ouro e de prata que Nabucodonosor, seu pai, tirara do templo, que estava em Jerusalém, para que neles bebessem o rei e os seus grandes, as suas mulheres e concubinas.

[3] Então, trouxeram os utensílios de ouro, que foram tirados do templo da Casa de Deus que estava em Jerusalém, e beberam neles o rei, os seus grandes e as suas mulheres e concubinas.

[4] Beberam o vinho e deram louvores aos deuses de ouro, de prata, de bronze, de ferro, de madeira e de pedra.

[5] No mesmo instante, apareceram uns dedos de mão de homem e escreviam, defronte do candeeiro, na caiadura da parede do palácio real; e o rei via os dedos que estavam escrevendo.

chomhairleoirí agus mo mhaithe mé; daingníodh i mo ríocht mé agus mhéadaigh ar mo mhórgacht a thuilleadh fós.

[34]Anois, mise Nabúcadnazar molaim, móraim agus glóirím Rí neimhe, mar is fíréan iad a oibreacha go léir, agus is cóir iad a shlite uile, agus is féidir leis lucht uaibhreach iompar a ísliú.

Dainéil (Gr) 5

Fleá Bhéilseazar

[1]Rinne Béilseazar rí fleá mhór dá mhaithe, míle díobh, agus d'ól sé fíon os comhair an mhíle seo.

[2]Nuair a bhlais sé an fíon, d'ordaigh Béilseazar na soithí óir agus airgid a d'fhuadaigh a athair Nabúcadnazar ó Theampall Iarúsailéim a thabhairt i láthair chun go n-ólfadh an rí agus a mhaithe, a mhná agus a leannáin, deoch astu.

[3]Ansin tugadh i láthair na soithí óir agus airgid a fuadaíodh ón Teampall, Teach Dé in Iarúsailéim, agus d'ól an rí agus a mhaithe, a mhná agus a leannáin deoch astu.

[4]D'ól siad fíon agus mhol siad na déithe óir agus airgid, práis agus iarainn, adhmaid agus cloiche.

[5]Dhealraigh go tobann méara láimhe duine agus í ag scríobh ar phlástar bhalla an pháláis ríoga laistiar den choinnleoir; bhí an rí ag faire ar an láimh ag scríobh.

[6] Então, se mudou o semblante do rei, e os seus pensamentos o turbaram; as juntas dos seus lombos se relaxaram, e os seus joelhos batiam um no outro.

[7] O rei ordenou, em voz alta, que se introduzissem os encantadores, os caldeus e os feiticeiros; falou o rei e disse aos sábios da Babilônia: Qualquer que ler esta escritura e me declarar a sua interpretação será vestido de púrpura, trará uma cadeia de ouro ao pescoço e será o terceiro no meu reino.

[8] Então, entraram todos os sábios do rei; mas não puderam ler a escritura, nem fazer saber ao rei a sua interpretação.

[9] Com isto, se perturbou muito o rei Belsazar, e mudou-se-lhe o semblante; e os seus grandes estavam sobressaltados.

[10] A rainha-mãe, por causa do que havia acontecido ao rei e aos seus grandes, entrou na casa do banquete e disse: Ó rei, vive eternamente! Não te turbem os teus pensamentos, nem se mude o teu semblante.

[11] Há no teu reino um homem que tem o espírito dos deuses santos; nos dias de teu pai, se achou nele luz, e inteligência, e sabedoria como a sabedoria dos deuses; teu pai, o rei Nabucodonosor, sim, teu pai, ó rei, o constituiu chefe dos magos, dos encantadores, dos caldeus e dos feiticeiros,

[12] porquanto espírito excelente, conhecimento e inteligência, interpretação de sonhos, declaração de

[6]Chlaochaigh a lí ar an rí; bhuair a smaointe é; tháinig ballchrith air agus chnag a ghlúine ar a chéile.

[7]Ghlaoigh an rí go hard go dtabharfaí draoithe, Caildéigh agus astralaithe isteach. Dúirt an rí le saoithe na Bablóine: “Cibé a léifidh an scríbhinn seo agus a léireoidh a ciall dom, cuirfear éide chorcra uime, slabhra óir ar a mhuineál, agus beidh sé ar an tríú rialtóir sa ríocht.”

[8]Bhailigh saoithe uile an rí isteach ach níor fhéad siad an scríbhinn a léamh ná a ciall a léiriú don rí.

[9]Bhí an-bhuairt ar an rí Béilseazar, agus d'athraigh a lí; agus bhí a mhaithe i gcruachás.

[10]Toisc bhriathar an rí agus a mhaithe tháinig an bhanríon go halla na fleá. Dúirt an bhanríon: “A rí, fad gach aon fhaid ar do shaol! Ná buaireadh do smaointe thú, agus ná teipeadh do dhealramh.

[11]Tá aon duine amháin i do ríocht ina bhfuil spiorad an Naomh-Dhé. Le linn d'athar fuarthas solas, tuiscint agus eagna ann ar aon dul le heagna na ndéithe. Rinne d'athair, an rí Nabúcadnazar, ceann de ar na draoithe, na hasarlaithe, na Caildéigh, agus ar na saoithe.

[12]Mar fuarthas sa Dainéil seo meon uaigneach agus eolas, tuiscint ar fhíseanna a mhiniú, ar thomhaiseanna a fhreagairt,

enigmas e solução de casos difíceis se acharam neste Daniel, a quem o rei pusera o nome de Beltessazar; chame-se, pois, a Daniel, e ele dará a interpretação.

agus ar fadhbanna a réiteach. Cuir gairm ar Dhainéil agus léireoidh sé an chiall duit."

[13] Então, Daniel foi introduzido à presença do rei. Falou o rei e disse a Daniel: És tu aquele Daniel, dos cativos de Judá, que o rei, meu pai, trouxe de Judá?

[13]Ansin tugadh Dainéil os comhair an rí, agus dúirt an rí le Dainéil: "An tusa Dainéil, de chine díbeartha Iúdá a thug m'athair, an rí, leis ó Iúdá?

[14] Tenho ouvido dizer a teu respeito que o espírito dos deuses está em ti, e que em ti se acham luz, inteligência e excelente sabedoria.

[14]Chuala á rá é go bhfuil spiorad an Naomh-Dhé ionat, agus go bhfuil solas agus tuiscint agus eagna thar barr ionat.

[15] Acabam de ser introduzidos à minha presença os sábios e os encantadores, para lerem esta escritura e me fazerem saber a sua interpretação; mas não puderam dar a interpretação destas palavras.

[15]Tugadh chugam saoithe agus draoithe chun an scríbhinn seo a léamh agus a ciall a fhoilsiú dom, ach chuaigh díobh a ciall a aimsiú.

[16] Eu, porém, tenho ouvido dizer de ti que podes dar interpretações e solucionar casos difíceis; agora, se puderes ler esta escritura e fazer-me saber a sua interpretação, serás vestido de púrpura, terás cadeia de ouro ao pescoço e serás o terceiro no meu reino.

[16]Chuala mé á rá é go bhfuil ar do chumas mínithe a thabhairt agus fadhbanna a réiteach. Anois má fhéadann tú an scríbhinn seo a léamh agus a ciall a fhoilsiú dom, cuirfear éide chorcra umat, slabhra óir ar do mhuineál, agus beidh tú ar an tríú rialtóir sa ríocht."

[17] Então, respondeu Daniel e disse na presença do rei: Os teus presentes fiquem contigo, e dá os teus prêmios a outrem; todavia, lerei ao rei a escritura e lhe farei saber a interpretação.

[17]D'fhreagair Dainéil agus dúirt sé os comhair an rí: "Bíodh do bhronntanais agat duit féin agus tabhair do thuarastail do dhaoine eile! Ach ó mo thaobhsa de, léifidh mé an scríbhinn seo don rí agus nochtfaidh mé an chiall dó.

[18] Ó rei! Deus, o Altíssimo, deu a Nabucodonosor, teu pai, o reino e grandeza, glória e majestade.

[18]A rí, thug Dia, an Té is Airde, flaitheas agus mórgacht, glóir agus ríogacht, do Nabúcadnazar d'athair.

[19] Por causa da grandeza que lhe deu, povos, nações e homens de todas as

[19]De bhrí na mórgachta a bhronn sé air chreathnaigh an uile phobal agus chine

línguas tremiam e temiam diante dele; matava a quem queria e a quem queria deixava com vida; a quem queria exaltava e a quem queria abatia.

agus theanga roimhe le heagla; mharaíodh sé mar ab áil leis; thugadh sé anacal anama mar ba mhian leis; d'ardaíodh sé an té ab áil leis, d'íslíodh sé an té ba mhian leis.

[20] Quando, porém, o seu coração se elevou, e o seu espírito se tornou soberbo e arrogante, foi derribado do seu trono real, e passou dele a sua glória.

[20]Ach nuair a bhorr a chroí agus gur chruaigh a spiorad le neart uabhair, tiomáineadh óna shuí ríoga é agus baineadh a ghlóir de.

[21] Foi expulso dentre os filhos dos homens, o seu coração foi feito semelhante ao dos animais, e a sua morada foi com os jumentos monteses; deram-lhe a comer erva como aos bois, e do orvalho do céu foi molhado o seu corpo, até que conheceu que Deus, o Altíssimo, tem domínio sobre o reino dos homens e a quem quer constitui sobre ele.

[21]Díbríodh ó chomhluadar daoine é agus chuaigh a chroí i gcosúlacht le croí na mbeithíoch; lonnaigh sé leis na hasail fhiáine; d'ith sé féar dála an daimh; fliuchadh a chorp ó dhrúcht neimhe chun go raibh a fhios aige gurb é an té is Airde a rialaíonn ríocht na ndaoine, agus go gcuireann sé an té is mian leis ina feighil.

[22] Tu, Belsazar, que és seu filho, não humilhaste o teu coração, ainda que sabias tudo isto.

[22]Ach tusa, a Bhéilseazar, a mhac siúd, níor umhlaigh tú do chroí cé gurbh eol duit é seo go léir;

[23] E te levantaste contra o SENHOR do céu, pois foram trazidos os utensílios da casa dele perante ti, e tu, e os teus grandes, e as tuas mulheres, e as tuas concubinas bebestes vinho neles; além disso, deste louvores aos deuses de prata, de ouro, de bronze, de ferro, de madeira e de pedra, que não vêem, não ouvem, nem sabem; mas a Deus, em cuja mão está a tua vida e todos os teus caminhos, a ele não glorificaste.

[23]ach d'ardaigh tú thú féin in aghaidh Tiarna neimhe; tugadh soithí a thí i do láthair agus d'ól tú féin agus do mhaithe, do mhná agus do leannáin, deoch fíona astu; agus mhol tú déithe óir agus airgid, práis agus iarainn, adhmaid agus cloiche, déithe gan radharc, gan éisteacht, gan eolas; ach an Dia a bhfuil d'anáil faoina láimh, agus do shlite uile ina sheilbh, níor thug tú glóir dó.

[24] Então, da parte dele foi enviada aquela mão que traçou esta escritura.

[24]Óna láthair a seoladh an lámh seo a rianaigh an scríbhinn seo ina haonar.

25 Esta, pois, é a escritura que se traçou: MENE, MENE, TEQUEL e PARSIM.

26 Esta é a interpretação daquilo: MENE: Contou Deus o teu reino e deu cabo dele.

27 TEQUEL: Pesado foste na balança e achado em falta.

28 PERES: Dividido foi o teu reino e dado aos medos e aos persas.

29 Então, mandou Belsazar que vestissem Daniel de púrpura, e lhe pusessem cadeia de ouro ao pescoço, e proclamassem que passaria a ser o terceiro no governo do seu reino.

30 Naquela mesma noite, foi morto Belsazar, rei dos caldeus.

31 E Dario, o medo, com cerca de sessenta e dois anos, se apoderou do reino.

Daniel 6

Daniel na cova dos leões

1 Pareceu bem a Dario constituir sobre o reino a cento e vinte sátrapas, que estivessem por todo o reino;

2 e sobre eles, três presidentes, dos quais Daniel era um, aos quais estes sátrapas dessem conta, para que o rei não sofresse dano.

3 Então, o mesmo Daniel se distinguiu destes presidentes e sátrapas, porque nele havia um espírito excelente; e o rei pensava em estabelecê-lo sobre todo o reino.

25Is í seo an scríbhinn a scríobhadh: mené, mené, tecél, agus parsín.

26Seo ciall na bhfocal sin: mené: ríomhaigh Dia laethanta do ríochta agus tá sí tugtha chun críche aige,

27tecél: Meádh thú sa mheá agus fuarthas easpa ort,

28parsín: tá do ríocht deighilte agus tugtha do na Méidigh agus do na Peirsigh.”

29Ansin d'ordaigh Béilseazar Dainéil a éidiú i gcorcra, slabhra óir a chur ar a mhuineál, agus a fhógairt go raibh sé ar an tríú rialtóir sa ríocht.

30An oíche úd díreach glan dúnmharaíodh Béilseazar, an rí Caildéach,

Dainéil (Gr) 6

1agus ghlac Dáire, an Méideach, seilbh ar an ríocht agus é dhá bhliain agus trí fichid an uair sin.

Dainéil in Uaimh na Leon

2Bheartaigh Dáire céad is fiche satrap a chur os cionn a ríochta, agus iad a bheith i bhfeighil ranna a ríochta uile,

3faoi cheannas triúr uachtarán - Dainéil ar dhuine acu - a dtabharfadh na satraip seo cuntas dóibh chun nach rachadh aon ní amú ar an rí.

4Chinn an Dainéil céanna ar na huachtaráin agus ar na satraip tríd an spiorad éachtach a bhí ann i dtreo gur bheartaigh an rí é a chur os cionn a ríochta uile.

[4] Então, os presidentes e os sátrapas procuravam ocasião para acusar a Daniel a respeito do reino; mas não puderam achá-la, nem culpa alguma; porque ele era fiel, e não se achava nele nenhum erro nem culpa.

[5] Disseram, pois, estes homens: Nunca acharemos ocasião alguma para acusar a este Daniel, se não a procurarmos contra ele na lei do seu Deus.

[6] Então, estes presidentes e sátrapas foram juntos ao rei e lhe disseram: Ó rei Dario, vive eternamente!

[7] Todos os presidentes do reino, os prefeitos e sátrapas, conselheiros e governadores concordaram em que o rei estabeleça um decreto e faça firme o interdito que todo homem que, por espaço de trinta dias, fizer petição a qualquer deus ou a qualquer homem e não a ti, ó rei, seja lançado na cova dos leões.

[8] Agora, pois, ó rei, sanciona o interdito e assina a escritura, para que não seja mudada, segundo a lei dos medos e dos persas, que se não pode revogar.

[9] Por esta causa, o rei Dario assinou a escritura e o interdito.

[10] Daniel, pois, quando soube que a escritura estava assinada, entrou em sua casa e, em cima, no seu quarto, onde havia janelas abertas do lado de Jerusalém, três vezes por dia, se punha de joelhos, e

[5]Ansin chrom na huachtaráin agus na satraip ar chúis stáit a lorg le cur i leith Dhainéil, ach níor éirigh leo cúis ná locht a aimsiú, bhí sé chomh dílis sin, ná ní bhfuarthas faillí ná dearmad le cur ina leith.

[6]Ansin dúirt an mhuintir seo: “Ní bhfaighimid cúis ar bith le cur i leith an Dainéil seo, mura bhfaighimid sin i gcúrsaí dlí a Dhé.”

[7]Ansin [bhrúcht] na huachtaráin agus na satraip seo isteach i láthair an rí agus labhair siad leis mar a leanas: “A rí Dáire, fad gach aon fhaid ar do shaol!

[8]Uachtaráin do ríochta, ceannairí, satraip, airí agus rialtóirí - táimidne uile d'aonaigne gur chóir don rí reacht a rith agus ordú mar a leanas a fhógairt: Cibé a iarrfaidh achainí ar bith ar aon Dia nó ar aon duine ach ortsa amháin ar feadh tríocha lá, é a theilgean isteach in uaimh na leon.

[9]Anois, a rí, tabhair feidhm dlí don ordú agus sínigh an chairt i dtreo nach féidir athrú a dhul air de réir dhlí na Méideach agus na bPeirseach, nach féidir a chur ar ceal.”

[10]Uime sin shínigh an rí Dáire an chairt agus an reacht.

[11]Nuair a thuig Dainéil gur síníodh an chairt, chuaigh sé chun a thí mar a raibh fuinneoga aige ina sheomra uachtarach oscailte i dtreo Iarúsailéim; trí huaire sa lá théadh sé ar a ghlúine ag guí Dé agus á mholadh, mar ba ghnáth leis roimhe sin.

orava, e dava graças, diante do seu Deus, como costumava fazer.

11 Então, aqueles homens foram juntos, e, tendo achado a Daniel a orar e a suplicar, diante do seu Deus,

12Ansin [bhrúcht] an mhuintir seo chuige agus fuair siad Dainéil ag guí is ag achainí i láthair a Dhé.

12 se apresentaram ao rei, e, a respeito do interdito real, lhe disseram: Não assinaste um interdito que, por espaço de trinta dias, todo homem que fizesse petição a qualquer deus ou a qualquer homem e não a ti, ó rei, fosse lançado na cova dos leões? Respondeu o rei e disse: Esta palavra é certa, segundo a lei dos medos e dos persas, que se não pode revogar.

13Ansin tháinig siad isteach i láthair an rí i dtaobh an reachta agus dúirt siad leis: "A rí, nár shínigh tú reacht, cibé a dhéanfadh achainí chun dé nó duine ach chugatsa amháin, a rí, ar feadh tríocha lá, go dteilgfí é in uaimh na leon." D'fhreagair an rí: "Tá an scéal socair de réir dhlí na Méideach agus na bPeirseach, nach féidir a chur ar ceal."

13 Então, responderam e disseram ao rei: Esse Daniel, que é dos exilados de Judá, não faz caso de ti, ó rei, nem do interdito que assinaste; antes, três vezes por dia, faz a sua oração.

14Ansin dúirt siad leis an rí: "An Dainéil úd, duine de na díbearthaigh ó Iúdá, níl aird aige ortsa, a rí, ná ar an reacht atá sínithe agat; trí huaire sa lá a dhéanann sé a achainí."

14 Tendo o rei ouvido estas coisas, ficou muito penalizado e determinou consigo mesmo livrar a Daniel; e, até ao pôr-do-sol, se empenhou por salvá-lo.

15Ar chloisteáil na mbriathra sin don rí, tháinig suaitheadh air agus bheartaigh sé Dainéil a shaoradh. Go fuineadh néil nóna rinne sé a dhícheall é a shaoradh.

15 Então, aqueles homens foram juntos ao rei e lhe disseram: Sabe, ó rei, que é lei dos medos e dos persas que nenhum interdito ou decreto que o rei sancione se pode mudar.

16Ansin tháinig an mhuintir seo [ina slua] chun an rí agus dúirt siad: "Bíodh a fhios agat, a rí, de réir dhlí na Méideach agus na bPeirseach, nach féidir aon reacht ná órdú a dhéanann an rí a chur ar ceal."

16 Então, o rei ordenou que trouxessem a Daniel e o lançassem na cova dos leões. Disse o rei a Daniel: O teu Deus, a quem tu continuamente serves, que ele te livre.

17Ansin d'ordaigh an rí Dainéil a thabhairt i láthair agus é a chaitheamh san uaimh chun na leon. Dúirt an rí le Dainéil: "Do Dhia, a bhfuil seirbhís dhílis tugtha agat dó, fuasclaíodh sé thú."

17 Foi trazida uma pedra e posta sobre a boca da cova; selou-a o rei com o seu

18Tugadh cloch agus leagadh ar bhéal na huaimhe í agus chuir an rí a shéala féin

próprio anel e com o dos seus grandes, para que nada se mudasse a respeito de Daniel.

[18] Então, o rei se dirigiu para o seu palácio, passou a noite em jejum e não deixou trazer à sua presença instrumentos de música; e fugiu dele o sono.

[19] Pela manhã, ao romper do dia, levantou-se o rei e foi com pressa à cova dos leões.

[20] Chegando-se ele à cova, chamou por Daniel com voz triste; disse o rei a Daniel: Daniel, servo do Deus vivo! Dar-se-ia o caso que o teu Deus, a quem tu continuamente serves, tenha podido livrar-te dos leões?

[21] Então, Daniel falou ao rei: Ó rei, vive eternamente!

[22] O meu Deus enviou o seu anjo e fechou a boca aos leões, para que não me fizessem dano, porque foi achada em mim inocência diante dele; também contra ti, ó rei, não cometi delito algum.

[23] Então, o rei se alegrou sobremaneira e mandou tirar a Daniel da cova; assim, foi tirado Daniel da cova, e nenhum dano se achou nele, porque crera no seu Deus.

[24] Ordenou o rei, e foram trazidos aqueles homens que tinham acusado a Daniel, e foram lançados na cova dos leões, eles, seus filhos e suas mulheres; e ainda não tinham chegado ao fundo da cova, e já os leões se apoderaram deles, e lhes esmigalharam todos os ossos.

agus séala a mhaithe uirthi ionas nach rachadh athrú ar aon ní a bhain le cúis Dhainéil.

[19]D'fhill an rí ar a phálás ansin agus chaith an oíche ina throscadh, gan [luí le leannán]. Thréig a chodladh é.

[20]Ansin le breacadh an lae d'éirigh an rí agus bhrostaigh leis go huaimh na leon.

[21]Láimh leis an uaimh ghlaoigh sé go truacánta ar Dhainéil á rá: “A Dhainéil, a shearbhónta Dé bheo, an Dia seo dá bhfónann tú go dílis, arbh fhéidir leis tú a fhuascailt ó na leoin?”

[22]D'fhreagair Dainéil an rí: “A rí, fad gach aon fhaid ar do shaol!

[23]Tá a aingeal curtha ag Dia chugam; tá clab na leon dúnta aige, agus níl aon dochar déanta acu dom mar go bhfuarthas gan chion mé ina láthair. Agus táim gan choir leis i do láthairse, a rí.”

[24]Tháinig lúcháir mhór ar an rí agus d'ordaigh sé Dainéil a thógáil as an uaimh. Tógadh Dainéil uime sin aníos as an uaimh agus fuarthas é slán folláin mar go raibh a mhuinín aige as a Dhia.

[25]Ar ordú an rí, tugadh an mhuintir sin a rinne casaoid in aghaidh Dhainéil i láthair agus teilgeadh iad in uaimh na leon, iad féin, a mná agus a gclann; agus sula raibh íochtar na huaimhe sroichte acu bhí siad treascartha ag na leoin agus a gcnámha go léir smiota acu.

[25] Então, o rei Dario escreveu aos povos, nações e homens de todas as línguas que habitam em toda a terra: Paz vos seja multiplicada!
[26] Faço um decreto pelo qual, em todo o domínio do meu reino, os homens tremam e temam perante o Deus de Daniel, porque ele é o Deus vivo e que permanece para sempre; o seu reino não será destruído, e o seu domínio não terá fim.

[27] Ele livra, e salva, e faz sinais e maravilhas no céu e na terra; foi ele quem livrou a Daniel do poder dos leões.

[28] Daniel, pois, prosperou no reinado de Dario e no reinado de Ciro, o persa.

Daniel 7

O sonho sobre os quatro animais

[1] No primeiro ano de Belsazar, rei da Babilônia, teve Daniel um sonho e visões ante seus olhos, quando estava no seu leito; escreveu logo o sonho e relatou a suma de todas as coisas.
[2] Falou Daniel e disse: Eu estava olhando, durante a minha visão da noite, e eis que os quatro ventos do céu agitavam o mar Grande.

[3] Quatro animais, grandes, diferentes uns dos outros, subiam do mar.

[4] O primeiro era como leão e tinha asas de águia; enquanto eu olhava, foram-lhe arrancadas as asas, foi levantado da terra

[26]Agus scríobh an rí, Dáire, chuig an uile phobal, chine agus theanga a áitríonn san uile aird den chruinne: “Síocháin daoibh ina tuile!
[27]Seo é an reacht atá agam á achtú: i m'impireacht agus i mo fhlaitheas rí go hiomlán go raibh an uile dhuine ar crith le heagla roimh Dhia Dhainéil, mar is é is Dia beo a mhaireann go deo; ní bheidh díthiú ar a fhlaitheas ná críoch ar a thiarnas.
[28]Eisean a fhuasclaíonn agus a fhóireann, a dhéanann comharthaí agus míorúiltí ar neamh agus ar talamh; shaor sé Dainéil ó chumhacht na leon.”
[29]Chuaigh an Dainéil céanna sin chun cinn i réimeas Dháire agus Chíorais, an Peirseach.

Dainéil (Gr) 7

Físeanna Dhainéil
Na Ceithre Ainmhí

[1]Sa chead bhliain de réimeas Bhéilseazar, rí na Bablóine, rinneadh taibhreamh do Dhainéil agus físeanna ina cheann agus é ar a leaba. Scríobh sé síos an taibhreamh agus d'inis sé éirim an scéil.

[2]Dúirt Dainéil: Chonaic mé físeanna istoíche. Féach! Bhí ceithre ghaoth neimhe ag coipeadh na bóchna móire.

[3]Tháinig ceithre ainmhí mór aníos as an fharraige, gach ceann acu éagsúil lena chéile.
[4]Bhí an chéad cheann mar leon agus sciatháin iolair air. Ansin, agus mé ag féachaint air, stolladh a sciatháin de,

e posto em dois pés, como homem; e lhe foi dada mente de homem.

ardaíodh ó thalamh é agus chaith sé seasamh ar dhá chois amhail duine, agus tugadh croí duine dó.

[5] Continuei olhando, e eis aqui o segundo animal, semelhante a um urso, o qual se levantou sobre um dos seus lados; na boca, entre os dentes, trazia três costelas; e lhe diziam: Levanta-te, devora muita carne.

[5]Féach! Ainmhí eile, an dara ceann, agus é cosúil le béar, ardaithe ar a leathchliathán, agus trí easna ina bhéal idir a fhiacla. Dúradh leis: "Éirigh, alp siar a lán feola."

[6] Depois disto, continuei olhando, e eis aqui outro, semelhante a um leopardo, e tinha nas costas quatro asas de ave; tinha também este animal quatro cabeças, e foi-lhe dado domínio.

[6]Ina dhiaidh sin d'fhéach mé, agus b'sheo ceann eile mar liopard, agus ceithre sciathán éin ar a dhroim; bhí ceithre cheann ar an ainmhí agus tugadh tiarnas dó.

[7] Depois disto, eu continuava olhando nas visões da noite, e eis aqui o quarto animal, terrível, espantoso e sobremodo forte, o qual tinha grandes dentes de ferro; ele devorava, e fazia em pedaços, e pisava aos pés o que sobejava; era diferente de todos os animais que apareceram antes dele e tinha dez chifres.

[7]Ina dhiaidh seo rinneadh físeanna oíche dom, agus féach, an ceathrú hainmhí, uafar, scéiniúil, agus róthréan; bhí aige fiacla móra iarainn, agus shlog agus stoll sé, agus phasáil sé an fuílleach faoina chosa. Bhí sé éagsúil leis na hainmhithe eile go léir a bhí roimhe. Bhí deich n-adharc air.

[8] Estando eu a observar os chifres, eis que entre eles subiu outro pequeno, diante do qual três dos primeiros chifres foram arrancados; e eis que neste chifre havia olhos, como os de homem, e uma boca que falava com insolência.

[8]Bhreithnigh mé na hadharca, agus féach, d'éirigh ina measc ceann eile, adhaircín, agus stoitheadh trí cinn de na chéad adharca aníos lena theacht. Agus b'sheo súile mar shúile duine san adharc seo, agus béal ag caint is ag rá nithe móra.

[9] Continuei olhando, até que foram postos uns tronos, e o Ancião de Dias se assentou; sua veste era branca como a neve, e os cabelos da cabeça, como a pura lã; o seu trono eram chamas de fogo, e suas rodas eram fogo ardente.

[9]Bhí mé ag faire: Cuireadh cathaoireacha ríoga ina n-ionad agus shuigh Sinsear na Laethanta. Bhí a éide ar lí an tsneachta, agus folt a chinn mar olann ghlan. Ba lasair thintrí a chathaoir ríoga, agus ba thine spréacharnach a rothaí.

[10] Um rio de fogo manava e saía de diante dele; milhares de milhares o serviam, e

[10]Ling sruth tine agus bhrúcht amach roimhe. Bhí míle míle ag fónamh dó agus

miríades de miríades estavam diante dele; assentou-se o tribunal, e se abriram os livros.

deich míle de dheich mílte ina seasamh os a chomhair. Shuigh an chúirt i mbreithiúnas, agus osclaíodh na leabhair.

11 Então, estive olhando, por causa da voz das insolentes palavras que o chifre proferia; estive olhando e vi que o animal foi morto, e o seu corpo desfeito e entregue para ser queimado.

11“Toisc glór na nithe móra a bhí á rá ag an adharc a bheith á chloisteáil agam, d'fhéach mé, agus, ag faire dom, maraíodh an t-ainmhí, milleadh a chorp agus caitheadh i leataobh é le dó sa tine.

12 Quanto aos outros animais, foi-lhes tirado o domínio; todavia, foi-lhes dada prolongação de vida por um prazo e um tempo.

12Maidir leis na hainmhithe eile, tógadh a dtiarnas chun siúil uathu, ach níor cuireadh deireadh lena saol go ceann ré agus aimsire.

13 Eu estava olhando nas minhas visões da noite, e eis que vinha com as nuvens do céu um como o Filho do Homem, e dirigiu-se ao Ancião de Dias, e o fizeram chegar até ele.

13Chonaic mé i bhfíseanna oíche. Féach! neach ag teacht ar néalta neimhe, amhail Mac an Duine. Tháinig sé chun Sinsir na Laethanta, agus cuireadh os a chomhair é.

14 Foi-lhe dado domínio, e glória, e o reino, para que os povos, nações e homens de todas as línguas o servissem; o seu domínio é domínio eterno, que não passará, e o seu reino jamais será destruído.

14Dó siúd tugadh tiarnas, glóir is ardfhlaitheas, go bhfónfadh dó an uile phobal, chine agus theanga. Tiarnas síoraí a thiarnas, nach rachaidh ar ceal, ná ní scriosfar a ríocht.

15 Quanto a mim, Daniel, o meu espírito foi alarmado dentro de mim, e as visões da minha cabeça me perturbaram.

15“Bhí buairt ar mo spioradsa, mise Dainéil, agus shuaith físeanna mo chinn mé.

16 Cheguei-me a um dos que estavam perto e lhe pedi a verdade acerca de tudo isto. Assim, ele me disse e me fez saber a interpretação das coisas:

16Chuaigh mé anonn chun duine díobh siúd a bhí ina sheasamh ansiúd agus d'iarr mé air an fhírinne ina thaobh seo uile a insint dom. D'fhreagair sé mé agus nocht sé ciall na nithe sin dom.

17 Estes grandes animais, que são quatro, são quatro reis que se levantarão da terra.

17‘Ceithre rí a éireoidh as an talamh na ceithre ainmhí seo.

[18] Mas os santos do Altíssimo receberão o reino e o possuirão para todo o sempre, de eternidade em eternidade.

[18]Ach is iad naoimh an Té is Airde a ghlacfaidh an ríocht agus a shealbhóidh í go deo agus go bruinne an bhrátha.'

[19] Então, tive desejo de conhecer a verdade a respeito do quarto animal, que era diferente de todos os outros, muito terrível, cujos dentes eram de ferro, cujas unhas eram de bronze, que devorava, fazia em pedaços e pisava aos pés o que sobejava;

[19]Ansin b'áil liom an fhírinne a fhoghlaim i dtaobh an cheathrú hainmhí, a bhí éagsúil leis an gcuid eile go léir, é go ró-uafar le fiacla iarainn agus croibh práis, a shlog is a stoll, agus a phasáil an fuílleach faoina chosa;

[20] e também a respeito dos dez chifres que tinha na cabeça e do outro que subiu, diante do qual caíram três, daquele chifre que tinha olhos e uma boca que falava com insolência e parecia mais robusto do que os seus companheiros.

[20]agus i dtaobh na ndeich n-adharc a bhí ar a cheann, agus na hadhairce eile a d'éirigh aníos agus ar thit trí cinn díobh roimhe, an adharc a raibh súile aici agus béal ag caint is ag rá nithe móra, a dhealraigh níos mó ná a comrádaithe.

[21] Eu olhava e eis que este chifre fazia guerra contra os santos e prevalecia contra eles,

[21]Os comhair mo shúl chuir an adharc seo cogadh ar na naoimh agus chloígh iad,

[22] até que veio o Ancião de Dias e fez justiça aos santos do Altíssimo; e veio o tempo em que os santos possuíram o reino.

[22]nó gur tháinig Sinsear na Laethanta agus gur thug breith i bhfabhar naomh an Té is Airde, agus tháinig an t-am ar ghlac na naoimh seilbh ar an ríocht.

[23] Então, ele disse: O quarto animal será um quarto reino na terra, o qual será diferente de todos os reinos; e devorará toda a terra, e a pisará aos pés, e a fará em pedaços.

[23]Dúirt sé: 'Maidir leis an gceathrú hainmhí: Beidh an ceathrú ríocht ar talamh, éagsúil le gach ríocht. Slogfaidh sí an domhan uile, satlóidh sí faoi chois é agus millfidh sí é.

[24] Os dez chifres correspondem a dez reis que se levantarão daquele mesmo reino; e, depois deles, se levantará outro, o qual será diferente dos primeiros, e abaterá a três reis.

[24]Agus maidir leis na deich n-adharc: As an ríocht seo, éireoidh deich rí agus éireoidh rí eile ina ndiaidh. Beidh sé éagsúil lenar ghabh roimhe, agus cloífidh sé trí rí.

[25] Proferirá palavras contra o Altíssimo, magoará os santos do Altíssimo e cuidará

[25]Labhróidh sé briathra in aghaidh an Té is Airde, ciapfaidh sé naoimh an Té is

em mudar os tempos e a lei; e os santos lhe serão entregues nas mãos, por um tempo, dois tempos e metade de um tempo.

[26] Mas, depois, se assentará o tribunal para lhe tirar o domínio, para o destruir e o consumir até ao fim.

[27] O reino, e o domínio, e a majestade dos reinos debaixo de todo o céu serão dados ao povo dos santos do Altíssimo; o seu reino será reino eterno, e todos os domínios o servirão e lhe obedecerão.

[28] Aqui, terminou o assunto. Quanto a mim, Daniel, os meus pensamentos muito me perturbaram, e o meu rosto se empalideceu; mas guardei estas coisas no coração.

Airde, agus smaoineoidh sé ar na haimsirí agus ar an dlí a athrú. Tabharfar na naoimh ina lámha ar feadh ré, agus dhá ré, agus leathré.

[26]Ach suífidh an chúirt i mbreithiúnas agus bainfear a thiarnas de, le scriosadh agus le milleadh óna mháithreacha boinn.

[27]An ríocht, an tiarnas, mórgacht gach flaithis faoin spéir, tabharfar iad uile do phobal naoimh an Té is Airde. Is ríocht shíoraí a ríocht agus géillfidh agus umhlóidh gach ríocht dóibh.'

[28]"Sin finit leis an ábhar seo. Maidir liomsa, Dainéil, bhí mé suaite go mór i mo smaointe, chlaochlaigh mo lí, ach choimeád mé an gnó i m'aigne."

Daniel 8

A visão sobre um carneiro e um bode

[1] No ano terceiro do reinado do rei Belsazar, eu, Daniel, tive uma visão depois daquela que eu tivera a princípio.

[2] Quando a visão me veio, pareceu-me estar eu na cidadela de Susã, que é província de Elão, e vi que estava junto ao rio Ulai.

[3] Então, levantei os olhos e vi, e eis que, diante do rio, estava um carneiro, o qual tinha dois chifres, e os dois chifres eram altos, mas um, mais alto do que o outro; e o mais alto subiu por último.

[4] Vi que o carneiro dava marradas para o ocidente, e para o norte, e para o sul; e

Dainéil (Gr) 8

An Reithe agus an Pocán

[1]Sa tríú bliain de réimeas Bhéilseazar rinneadh fís domsa, Dainéil, ina diaidh siúd a rinneadh dom ar dtús.

[2]Ag faire na físe os mo chomhair dom, b'shiúd mé féin i Súsa an phríomhchathair, atá i gcúige Éalám; agus, ag faire na físe, b'shiúd mé ag geata Úlai.

[3]D'ardaigh mé mo shúile chun féachana. Féach! Reithe ina sheasamh ar bhruach na habhann. Bhí dhá adharc air; bhí an dá adharc ard, ach ceann acu níos airde ná a chéile agus ba é an ceann ab airde an dara ceann a d'éirigh suas.

[4]Chonaic mé an reithe ag sá lena adharc siar, ó thuaidh, agus ó dheas. Níor fhéad

nenhum dos animais lhe podia resistir, nem havia quem pudesse livrar-se do seu poder; ele, porém, fazia segundo a sua vontade e, assim, se engrandecia.

5 Estando eu observando, eis que um bode vinha do ocidente sobre toda a terra, mas sem tocar no chão; este bode tinha um chifre notável entre os olhos;

6 dirigiu-se ao carneiro que tinha os dois chifres, o qual eu tinha visto diante do rio; e correu contra ele com todo o seu furioso poder.

7 Vi-o chegar perto do carneiro, e, enfurecido contra ele, o feriu e lhe quebrou os dois chifres, pois não havia força no carneiro para lhe resistir; e o bode o lançou por terra e o pisou aos pés, e não houve quem pudesse livrar o carneiro do poder dele.

8 O bode se engrandeceu sobremaneira; e, na sua força, quebrou-se-lhe o grande chifre, e em seu lugar saíram quatro chifres notáveis, para os quatro ventos do céu.

9 De um dos chifres saiu um chifre pequeno e se tornou muito forte para o sul, para o oriente e para a terra gloriosa.

10 Cresceu até atingir o exército dos céus; a alguns do exército e das estrelas lançou por terra e os pisou.

11 Sim, engrandeceu-se até ao príncipe do exército; dele tirou o sacrifício diário e o lugar do seu santuário foi deitado abaixo.

ainmhí seasamh ina aghaidh, ná níor fhéad aon ní fuascailt óna ghreim. Rinne sé mar ba mhian leis agus tháinig borradh air.

5Féach, seo mar a thug mé faoi deara: Tháinig pocán ón iarthar, de dhroim na talún uile ach gan baint leis an talamh, agus adharc shuntasach idir a dhá shúil.

6Tháinig sé chun an reithe leis an dá adharc a chonaic mé ina sheasamh ar bhruach na habhann agus chuaigh de rith ina aghaidh le teann buile.

7Chonaic mé é ag druidim leis an reithe agus ag dul i ngleic leis; bhí cuthach air ina aghaidh agus bhuail sé an reithe, bhris a dhá adharc, agus gan breith ag an reithe ar sheasamh ina choinne; threascair sé chun talún é agus ghabh de chosa ann, agus gan é ar chumas aon duine an reithe a shábháil óna chumhacht.

8Chuaigh an pocán i neart go mór, ach in iomlán a nirt, bhris an adharc mhór agus ina háit d'éirigh ceithre adharc shuaithinseach i dtreo cheithre ghaoth neimhe.

9As ceann díobh d'eascair adhaircín a mhéadaigh go mór i dtreo an deiscirt, an oirthir, agus i dtreo Thír na Glóire.

10Bhorr a thoirt go slua neimhe, agus chaith sé anuas ar an talamh cuid de shlua na réaltaí agus phasáil orthu.

11D'ardaigh sé é féin fiú in aghaidh Phrionsa an tSlua, chuir sé an íobairt laethúil ar ceal air agus scartáil sé ionad a shanctóra agus a shlua;

[12] O exército lhe foi entregue, com o sacrifício diário, por causa das transgressões; e deitou por terra a verdade; e o que fez prosperou.

[13] Depois, ouvi um santo que falava; e disse outro santo àquele que falava: Até quando durará a visão do sacrifício diário e da transgressão assoladora, visão na qual é entregue o santuário e o exército, a fim de serem pisados?

[14] Ele me disse: Até duas mil e trezentas tardes e manhãs; e o santuário será purificado.

[15] Havendo eu, Daniel, tido a visão, procurei entendê-la, e eis que se me apresentou diante uma como aparência de homem.

[16] E ouvi uma voz de homem de entre as margens do Ulai, a qual gritou e disse: Gabriel, dá a entender a este a visão.

[17] Veio, pois, para perto donde eu estava; ao chegar ele, fiquei amedrontado e prostrei-me com o rosto em terra; mas ele me disse: Entende, filho do homem, pois esta visão se refere ao tempo do fim.

[18] Falava ele comigo quando caí sem sentidos, rosto em terra; ele, porém, me tocou e me pôs em pé no lugar onde eu me achava;

[19] e disse: Eis que te farei saber o que há de acontecer no último tempo da ira, porque esta visão se refere ao tempo determinado do fim.

[12][in áit na híobartha chuir sé an urchóid] agus leag sé chun láir an fhírinne; rinne an adharc bearta agus chuaigh chun cinn.

[13]Ansin chuala mé neach naofa ag labhairt agus dúirt ceann eile leis siúd a labhair: "Cén fad a mhairfidh an fhís i dtaobh na híobartha laethúla, na hurchóide a mhilleann, agus na gabhála de chosa sa sanctóir agus sa slua?"

[14]Dúirt [an chéad cheann leis]: "Ar feadh dhá mhíle trí chéad nóin agus maidin fós; ansin cuirfear an sanctóir arís i seilbh a chirt."

[15]Ag breathnú na físe domsa, Dainéil, lorg mé a ciall agus b'sheo os mo chomhair neach mar dhuine ar a dhealramh.

[16]Chuala mé guth duine idir bruacha Úlai ag glaoch: "A Ghaibriéil, tabhair tuiscint ar an bhfís don fhear seo."

[17]Ansin tháinig sé i ngar don bhall ina raibh mé i mo sheasamh, agus, nuair a dhruid sé liom, tháinig scanradh orm agus thit mé ar mo bhéal agus ar m'fhiacla. Ach dúirt sé: "Tuig a mhic an duine gur d'uain na críche atá an fhís."

[18]Thit mo chodladh go trom orm agus é ag caint liom agus m'aghaidh leis an talamh. Bhain sé liom agus d'ardaigh ar mo bhoinn mé.

[19]"Cuirfidh mé in iúl duit cad a bheidh i gcrích dheireanach na feirge, óir baineann sé le huain chinnte na críche.

[20] Aquele carneiro com dois chifres, que viste, são os reis da Média e da Pérsia;
[21] mas o bode peludo é o rei da Grécia; o chifre grande entre os olhos é o primeiro rei;
[22] o ter sido quebrado, levantando-se quatro em lugar dele, significa que quatro reinos se levantarão deste povo, mas não com força igual à que ele tinha.
[23] Mas, no fim do seu reinado, quando os prevaricadores acabarem, levantar-se-á um rei de feroz catadura e especialista em intrigas.
[24] Grande é o seu poder, mas não por sua própria força; causará estupendas destruições, prosperará e fará o que lhe aprouver; destruirá os poderosos e o povo santo.
[25] Por sua astúcia nos seus empreendimentos, fará prosperar o engano, no seu coração se engrandecerá e destruirá a muitos que vivem despreocupadamente; levantar-se-á contra o Príncipe dos príncipes, mas será quebrado sem esforço de mãos humanas.
[26] A visão da tarde e da manhã, que foi dita, é verdadeira; tu, porém, preserva a visão, porque se refere a dias ainda mui distantes.

[27] Eu, Daniel, enfraqueci e estive enfermo alguns dias; então, me levantei e tratei dos negócios do rei. Espantava-me com a visão, e não havia quem a entendesse.

Daniel 9

[20]An reithe a chonaic tú, is iad ríthe na Méide agus na Peirse a dhá adharc.

[21]Is é rí na Gréige an pocán; an adharc mhór idir a dhá shúil, sin é an chéad rí.

[22]An adharc bhriste, agus na ceithre adharc eile a d'fhás ina hionad sin ceithre ríocht a éireoidh óna phobal ach nach mbeidh a chumhacht acu.

[23]I ndeireadh a réime, in am bhrúchta a n-olc, éireoidh rí, garbh ina dhreach, sás cruacheasta a réiteach.

[24]Beidh a chumhacht tréan (ach ní dá neart féin é); millfidh sé go huafásach; agus rithfidh leis ina ghnóthaí; scriosfaidh sé treoin, agus pobal na naomh.

[25]Trína ghliceas neartóidh sé leis an bhfeall faoina láimh, agus borrfaidh sé le huabhar ina chroí. Millfidh sé a lán gan choinne, agus éireoidh sé fiú in aghaidh Prionsa na bPrionsa; ach brisfear é - agus sin trí láimh nach daonna.

[26]Is fíor í fís na nónta agus na maidineacha atá inste, ach cuirse séala ar an bhfís mar baineann sí le mórán lá ó inniu.”

[27]Chaill mise, Dainéil, mo bhrí agus bhí mé breoite líon mór laethanta. Ansin d'éirigh mé agus chuaigh mé i mbun cúraimí an rí, agus alltacht orm ag an bhfís agus gan tuiscint agam uirthi.

Dainéil (Gr) 9

A oração de Daniel pelo povo

[1] No primeiro ano de Dario, filho de Assuero, da linhagem dos medos, o qual foi constituído rei sobre o reino dos caldeus,

[2] no primeiro ano do seu reinado, eu, Daniel, entendi, pelos livros, que o número de anos, de que falara o SENHOR ao profeta Jeremias, que haviam de durar as assolações de Jerusalém, era de setenta anos.

[3] Voltei o rosto ao SENHOR Deus, para o buscar com oração e súplicas, com jejum, pano de saco e cinza.

[4] Orei ao SENHOR, meu Deus, confessei e disse: ah! SENHOR! Deus grande e temível, que guardas a aliança e a misericórdia para com os que te amam e guardam os teus mandamentos;

[5] temos pecado e cometido iniqüidades, procedemos perversamente e fomos rebeldes, apartando-nos dos teus mandamentos e dos teus juízos;

[6] e não demos ouvidos aos teus servos, os profetas, que em teu nome falaram aos nossos reis, nossos príncipes e nossos pais, como também a todo o povo da terra.

[7] A ti, ó SENHOR, pertence a justiça, mas a nós, o corar de vergonha, como hoje se vê; aos homens de Judá, os moradores de Jerusalém, todo o Israel, quer os de perto, quer os de longe, em todas as terras por

An Seachtó Seachtain

[1]Sa chéad bhliain de réimeas Dháire, mac Áisiuéaróis, de chine na Méideach, a rialaigh ríocht na gCaildéach -

[2]sa chéad bhliain dá réimeas, scrúdaigh mise, Dainéil, an scrioptúr ag ríomh líon na mblianta, de réir mar a d'fhoilsigh Dia don fháidh Irimia, ba chóir a chomhlíonadh sula mbeadh críoch le scriosadh agus milleadh Iarúsailéim - seachtó bliain.

[3]Ansin d'iompaigh mé m'aghaidh ar an Tiarna Dia, á thóraíocht le guí agus le hurnaí, le troscadh, le sacéadach agus le luaithreach.

[4]Ghuigh mé chun an Tiarna mo Dhia, agus rinne mé admháil mar a leanas: “Ó, a Thiarna, a Dhia mhór na heagla, a chomhlíonann an conradh agus an buanghrá dóibh siúd a ghránn tú agus a choimeádann d'aitheanta,

[5]pheacaíomar, rinneamar éagóir, rinneamar urchóid, rinneamar brath, ag tréigean d'aitheanta agus do reachta.

[6]Níor éisteamar le do shearbhóntaí, na fáithe, a labhair i d'ainm lenár ríthe, ár bprionsaí, ár n-aithreacha, agus le pobal uile na tíre.

[7]Is leatsa an fhíréantacht, a Thiarna, ach orainne tá ceann faoi amhail atá an lá seo féin, ar mhuintir Iúdá, ar áitritheoirí Iarúsailéim, ar Iosrael uile, i mbaile agus i gcéin sna tíortha uile inar dhíbir tú iad toisc tú a bhrath mar a rinne siad.

onde os tens lançado, por causa das suas transgressões que cometeram contra ti.

[8] Ó SENHOR, a nós pertence o corar de vergonha, aos nossos reis, aos nossos príncipes e aos nossos pais, porque temos pecado contra ti.

[9] Ao SENHOR, nosso Deus, pertence a misericórdia e o perdão, pois nos temos rebelado contra ele

[10] e não obedecemos à voz do SENHOR, nosso Deus, para andarmos nas suas leis, que nos deu por intermédio de seus servos, os profetas.

[11] Sim, todo o Israel transgrediu a tua lei, desviando-se, para não obedecer à tua voz; por isso, a maldição e as imprecações que estão escritas na Lei de Moisés, servo de Deus, se derramaram sobre nós, porque temos pecado contra ti.

[12] Ele confirmou a sua palavra, que falou contra nós e contra os nossos juízes que nos julgavam, e fez vir sobre nós grande mal, porquanto nunca, debaixo de todo o céu, aconteceu o que se deu em Jerusalém.

[13] Como está escrito na Lei de Moisés, todo este mal nos sobreveio; apesar disso, não temos implorado o favor do SENHOR, nosso Deus, para nos convertermos das nossas iniqüidades e nos aplicarmos à tua verdade.

[14] Por isso, o SENHOR cuidou em trazer sobre nós o mal e o fez vir sobre nós; pois justo é o SENHOR, nosso Deus, em todas

[8]Orainne, a Thiarna, tá ceann faoi, ar ár ríthe, ar ár bprionsaí, ar ár n-aithreacha, mar gur pheacaíomar i d'aghaidh.

[9]Leis an Tiarna, ár nDia, a bhaineann trócaire agus maithiúnas mar rinneamar ceannairc ina aghaidh.

[10]Níor éisteamar le guth an Tiarna, ár nDia, á rá linn maireachtáil de réir a dhlíthe, faoi mar a chuir sé faoinár mbráid iad trína shearbhóntaí na fáithe.

[11]Sháraigh Iosrael uile do dhlí; bhailigh siad leo gan éisteacht le do ghuth. An mhallacht agus an mionn atá scríofa i ndlí Mhaois, searbhónta Dé, tá siad doirte sa mhullach orainne, mar gur pheacaíomar ina aghaidh.

[12]Chomhlíon sé na briathra a labhair sé inár n-aghaidh agus in aghaidh ár rialtóirí a rialaigh sinn; thug sé tubaiste chomh mór sin orainn nach bhfuil leithéid a ndearnadh in aghaidh Iarúsailéim déanta in aon áit faoin spéir.

[13]Mar atá scríofa i ndlí Mhaois tá an tubaiste seo go léir tagtha orainn; ach níor impíomar fabhar i láthair an Tiarna, ár nDia, agus filleadh ónár gcionta agus a géilleadh do d'fhírinne.

[14]Uime sin rinne an Tiarna faire ar an urchóid agus thug anuas orainn í; mar is fíréan é an Tiarna, ár nDia, san uile obair

as suas obras que faz, pois não obedecemos à sua voz.

[15] Na verdade, ó SENHOR, nosso Deus, que tiraste o teu povo da terra do Egito com mão poderosa, e a ti mesmo adquiriste renome, como hoje se vê, temos pecado e procedido perversamente.

[16] Ó SENHOR, segundo todas as tuas justiças, aparte-se a tua ira e o teu furor da tua cidade de Jerusalém, do teu santo monte, porquanto, por causa dos nossos pecados e por causa das iniqüidades de nossos pais, se tornaram Jerusalém e o teu povo opróbrio para todos os que estão em redor de nós.

[17] Agora, pois, ó Deus nosso, ouve a oração do teu servo e as suas súplicas e sobre o teu santuário assolado faze resplandecer o rosto, por amor do SENHOR.

[18] Inclina, ó Deus meu, os ouvidos e ouve; abre os olhos e olha para a nossa desolação e para a cidade que é chamada pelo teu nome, porque não lançamos as nossas súplicas perante a tua face fiados em nossas justiças, mas em tuas muitas misericórdias.

[19] Ó SENHOR, ouve; ó SENHOR, perdoa; ó SENHOR, atende-nos e age; não te retardes, por amor de ti mesmo, ó Deus meu; porque a tua cidade e o teu povo são chamados pelo teu nome.

A profecia das setenta semanas

[20] Falava eu ainda, e orava, e confessava o meu pecado e o pecado do meu povo de Israel, e lançava a minha súplica perante a

dá ndearna sé agus níor éisteamar lena ghuth.

[15]Anois, a Thiarna, ár nDia, a thug do phobal ó thalamh na hÉigipte amach le láimh chumhachtach - agus maireann a cháil sin go dtí inniu féin - tá an peaca, an urchóid, déanta againne.

[16]A Thiarna, de réir iomad do ghníomhartha fíréanta, iompaíodh d'fhearg is do chuthach ó do chathair Iarúsailéim, do shliabh naofa; mar trínár bpeacaí agus trí choireanna ár n-aithreacha, tá Iarúsailéim agus do phobal ina ábhar gáire ag cách máguaird orainn.

[17]Uime sin, éist, a Dhia, le hachainí dá shearbhónta agus lena urnaithe. Ar do shon féin, a Thiarna, go ndealraí do ghnúis ar do shanctóir tréigthe.

[18]Claon do chluas, a Dhia liom, agus éist; oscail do shúile agus feic ár n-ainnise agus an chathair ar a nglaoitear d'ainm; mar ní toisc ár ndea-oibreacha a chuirimid ár n-urnaithe i do láthair, ach toisc iomad do mhórthrócaire.

[19]A Thiarna, tabhair cluas dúinn! a Thiarna, tabhair maithiúnas! A Thiarna, tóg ceann dúinn agus déan beart! Ná moilligh - ar do shon féin! a Dhia, mar tá glaoite ar d'ainm i gcabhair ar do chathair agus ar do phobal.”

[20]Labhair mé arís, agus ghuigh mé ag admháil mo pheacaí féin agus peacaí mo phobail, Iosrael, agus ag déanamh m'urnaí

face do SENHOR, meu Deus, pelo monte santo do meu Deus.

[21] Falava eu, digo, falava ainda na oração, quando o homem Gabriel, que eu tinha observado na minha visão ao princípio, veio rapidamente, voando, e me tocou à hora do sacrifício da tarde.

[22] Ele queria instruir-me, falou comigo e disse: Daniel, agora, saí para fazer-te entender o sentido.

[23] No princípio das tuas súplicas, saiu a ordem, e eu vim, para to declarar, porque és mui amado; considera, pois, a coisa e entende a visão.

[24] Setenta semanas estão determinadas sobre o teu povo e sobre a tua santa cidade, para fazer cessar a transgressão, para dar fim aos pecados, para expiar a iniqüidade, para trazer a justiça eterna, para selar a visão e a profecia e para ungir o Santo dos Santos.

[25] Sabe e entende: desde a saída da ordem para restaurar e para edificar Jerusalém, até ao Ungido, ao Príncipe, sete semanas e sessenta e duas semanas; as praças e as circunvalações se reedificarão, mas em tempos angustiosos.

[26] Depois das sessenta e duas semanas, será morto o Ungido e já não estará; e o povo de um príncipe que há de vir destruirá a cidade e o santuário, e o seu fim será num dilúvio, e até ao fim haverá guerra; desolações são determinadas.

[27] Ele fará firme aliança com muitos, por uma semana; na metade da semana, fará

i láthair an Tiarna, mo Dhia, ar son shliabh naofa mo Dhé.

[21]Ag labhairt dom i mo ghuí, tháinig chugam faoi lánseol, Gaibriéil - an neach a bhí feicthe agam i bhfís ar dtús - ar uair íobartha na nóna.

[22]Dúirt sé liom: “A Dhainéil, seo mise: tháinig mé amach chun teacht agus tú a theagasc san eagna.

[23]I dtosach d'achainí ghabh briathar amach agus táim tagtha chun é a insint duit mar is mór mar a thugtar grá duit. Iniúch an focal, tuig an fhís:

[24]Tá seachtó seachtain beartaithe do do mhuintir agus do do chathair naofa, chun deireadh a chur leis an sárú, chun críoch a chur leis na peacaí, chun leorghníomh a dhéanamh san éagóir, chun fíréantas síoraí a thabhairt i láthair, chun fís agus fáistine a shéalú, chun ionad rónaofa a ungadh.

[25]Bíodh a fhios agat agus tuig i d'aigne, ó théann an t-ordú seo amach: ‘Athchóirítear agus tógtar Iarúsailéim, ’ go teacht ungthaigh, prionsa, seacht seachtaine; agus ar feadh dhá sheachtain agus trí fichid beifear á thógáil arís le cearnóga agus móta - ach in aimsir bhuartha.

[26]Agus tar éis an dá sheachtain is trí fichid gearrfar anuas ungthach [agus fágfar dealbh é]. Scriosfar an chathair agus an sanctóir faoi láimh an phrionsa atá le teacht. Beidh a chríoch i dtuile, agus beidh cogadh go dtí an chríoch; tá mórchuid léirscriosta ceaptha.

[27]Déanfaidh sé conradh a dhaingniú lena lán ar feadh seachtaine; agus ar feadh leath na

cessar o sacrifício e a oferta de manjares; sobre a asa das abominações virá o assolador, até que a destruição, que está determinada, se derrame sobre ele.

seachtaine cuirfidh sé cosc le hofráil agus le híobairt. Ar sciathán [an Teampaill] beidh gráiniúlacht an léirscriosta, go dtí an deireadh, go ndoirtfear an chríoch chinnte ar an scriostóir."

Daniel 10

A visão de Daniel no rio Tigre

[1] No terceiro ano de Ciro, rei da Pérsia, foi revelada uma palavra a Daniel, cujo nome é Beltessazar; a palavra era verdadeira e envolvia grande conflito; ele entendeu a palavra e teve a inteligência da visão.

[2] Naqueles dias, eu, Daniel, pranteei durante três semanas.

[3] Manjar desejável não comi, nem carne, nem vinho entraram na minha boca, nem me ungi com óleo algum, até que passaram as três semanas inteiras.

[4] No dia vinte e quatro do primeiro mês, estando eu à borda do grande rio Tigre,

[5] levantei os olhos e olhei, e eis um homem vestido de linho, cujos ombros estavam cingidos de ouro puro de Ufaz;

[6] o seu corpo era como o berilo, o seu rosto, como um relâmpago, os seus olhos, como tochas de fogo, os seus braços e os seus pés brilhavam como bronze polido; e a voz das suas palavras era como o estrondo de muita gente.

[7] Só eu, Daniel, tive aquela visão; os homens que estavam comigo nada viram; não obstante, caiu sobre eles grande temor, e fugiram e se esconderam.

Dainéil (Gr) 10

An Fhís Mhór
Uain na Feirge

[1]Sa tríú bliain de réimeas Chíorais, rí na Peirse, nochtadh briathar do Dhainéil ar a dtugtaí Béiltiseazar: b'fhíor é an briathar, ba mhór í an chointinn. Bhain sé adhmad as an mbriathar; thuig sé an fhís.

[2]Sna laethanta úd bhí mise, Dainéil, ag déanamh aithrí ar feadh trí seachtaine.

[3]Níor chaith mé aon sólas, ní dheachaigh feoil ná fíon i mo bhéal, ná níor chuir mé uinnimint ar bith orm féin go ceann na dtrí sheachtaine sin.

[4]Ar an gceathrú lá fichead den chéad mhí, ag seasamh dom ar bhruach na habhann móire, an Tigris is é sin,

[5]d'ardaigh mé mo shúile agus d'fhéach mé: Seo fear in éadach lín, agus crios d'ór fíre timpeall a choime;

[6]bhí a chorp mar bheiril, a cheannaithe ar dhealramh na tintrí, a shúile mar lóchrainn lasracha, a lámha agus a chosa ar lí an phráis líofa, foghar a bhriathar mar ghlór slua.

[7]Mise amháin, Dainéil, a chonaic an fhís seo, mar na fir a bhí faram, ní fhaca siad an fhís ach tháinig ballchrith mór orthu agus theith siad i bhfolach.

[8] Fiquei, pois, eu só e contemplei esta grande visão, e não restou força em mim; o meu rosto mudou de cor e se desfigurou, e não retive força alguma.

[9] Contudo, ouvi a voz das suas palavras; e, ouvindo-a, caí sem sentidos, rosto em terra.

Daniel é consolado

[10] Eis que certa mão me tocou, sacudiu-me e me pôs sobre os meus joelhos e as palmas das minhas mãos.

[11] Ele me disse: Daniel, homem muito amado, está atento às palavras que te vou dizer; levanta-te sobre os pés, porque eis que te sou enviado. Ao falar ele comigo esta palavra, eu me pus em pé, tremendo.

[12] Então, me disse: Não temas, Daniel, porque, desde o primeiro dia em que aplicaste o coração a compreender e a humilhar-te perante o teu Deus, foram ouvidas as tuas palavras; e, por causa das tuas palavras, é que eu vim.

[13] Mas o príncipe do reino da Pérsia me resistiu por vinte e um dias; porém Miguel, um dos primeiros príncipes, veio para ajudar-me, e eu obtive vitória sobre os reis da Pérsia.

[14] Agora, vim para fazer-te entender o que há de suceder ao teu povo nos últimos dias; porque a visão se refere a dias ainda distantes.

[15] Ao falar ele comigo estas palavras, dirigi o olhar para a terra e calei.

[8]Fágadh i m'aonar mé ag faire na físe móire seo; d'imigh mo neart, d'athraigh mo lí chun uafaireachta, agus chaill mé mo lúth.

[9]Ansin chuala mé fuaim a bhriathra agus le fuaim a bhriathra thit mé i dtámhnéal ar mo bhéal agus ar m'fhiacla ar an talamh.

[10]Féach! bhain lámh liom, agus chuir sí creathán ar mo ghlaca agus ar mo ghlúine.

[11]Agus dúirt sé liom: “A Dhainéil, dá dtugtar mórghrá, tabhair cluas do na focail a déarfaidh mé leat: seas suas mar is chugatsa a cuireadh mé anois.” Ag rá na bhfocal seo dó siúd, d'éirigh mé i mo sheasamh agus mé ar crith.

[12]Dúirt sé: “Ná bíodh eagla ort, a Dhainéil, is clos d'fhocail ón gcéad lá ar dhírigh tú d'aigne ar an tuiscint agus ar bheartaigh tú thú féin a umhlú i láthair do Dhé; agus toisc do bhriathra atáimse tagtha.

[13]Chuir prionsa ríocht na Peirse i mo choinne ar feadh lá agus fiche: ach tháinig Mícheál, ceann de na príomhphrionsaí, i gcabhair orm, agus d'fhág mé ansiúd é le prionsa ríocht na Peirse,

[14]agus tháinig mé chun a chur i dtuiscint duit cad atá le titim amach do do mhuintir i gcrích na laethanta; mar féach, seo fís eile do na laethanta sin.”

[15]Nuair a bhí na nithe sin ráite aige liom d'iompaigh mé m'aghaidh chun talún gan focal asam;

16 E eis que uma como semelhança dos filhos dos homens me tocou os lábios; então, passei a falar e disse àquele que estava diante de mim: meu senhor, por causa da visão me sobrevieram dores, e não me ficou força alguma.
17 Como, pois, pode o servo do meu senhor falar com o meu senhor? Porque, quanto a mim, não me resta já força alguma, nem fôlego ficou em mim.
18 Então, me tornou a tocar aquele semelhante a um homem e me fortaleceu;
19 e disse: Não temas, homem muito amado! Paz seja contigo! Sê forte, sê forte. Ao falar ele comigo, fiquei fortalecido e disse: fala, meu senhor, pois me fortaleceste.
20 E ele disse: Sabes por que eu vim a ti? Eu tornarei a pelejar contra o príncipe dos persas; e, saindo eu, eis que virá o príncipe da Grécia.
21 Mas eu te declararei o que está expresso na escritura da verdade; e ninguém há que esteja ao meu lado contra aqueles, a não ser Miguel, vosso príncipe.

Daniel 11

Os reis do Norte e do Sul

1 Mas eu, no primeiro ano de Dario, o medo, me levantei para o fortalecer e animar.
2 Agora, eu te declararei a verdade: eis que ainda três reis se levantarão na Pérsia, e o quarto será cumulado de grandes riquezas mais do que todos; e, tornado forte por

16agus féach, neach amhail mac duine ag baint le mo bheola; ansin d'oscail mé mo bhéal chun labhartha, agus dúirt mé leis an té a sheas os mo chomhair: “A thiarna, de dheasca na físe tháinig pianta orm agus fágadh gan neart mé.
17Agus conas is féidir le searbhónta do thiarna labhairt le do thiarna, mar nach bhfuil aon neart fágtha ionam agus gan anáil ionam.”
18Bhain an té a bhí ar dhealramh duine liom arís agus neartaigh mé.
19Dúirt sé: “Ná bíodh eagla ortsa, dá dtugtar mórghrá; síocháin duit! Bíodh neart agat is misneach ort!” Fad a bhí sé ag labhairt liom, bhraith mé neart ag teacht ionam agus dúirt mé: “Labhraíodh mo thiarna, mar neartaigh tú mé.”
20Ansin dúirt sé: “An eol duit cén fáth ar tháinig mé chugat? Caithfidh mé filleadh chun catha le prionsa na Peirse; nuair a bheidh mé réidh leis, féach, tiocfaidh prionsa na Gréige.
21Is d'fhonn go n-inseoinn duit cad atá scríofa i leabhar na fírinne. Níl neach a throidfeadh láimh liom ina

Dainéil (Gr) 11

1[mo thaca chun cúnamh agus cabhrú liom],
2ach anois nochtfaidh mé an fhírinne duit: “Féach! Éireoidh trí rí eile sa Pheirs, agus is saibhre go mór a bheidh an ceathrú duine díobh ná iad uile, agus nuair a

suas riquezas, empregará tudo contra o reino da Grécia.

[3] Depois, se levantará um rei poderoso, que reinará com grande domínio e fará o que lhe aprouver.

[4] Mas, no auge, o seu reino será quebrado e repartido para os quatro ventos do céu; mas não para a sua posteridade, nem tampouco segundo o poder com que reinou, porque o seu reino será arrancado e passará a outros fora de seus descendentes.

[5] O rei do Sul será forte, como também um de seus príncipes; este será mais forte do que ele, e reinará, e será grande o seu domínio.

[14] Porque Israel se esqueceu do seu Criador e edificou palácios, e Judá multiplicou cidades fortes; mas eu enviarei fogo contra as suas cidades, fogo que consumirá os seus palácios.

Oseias 9

Israel já antes castigado

[1] Não te alegres, ó Israel, não exultes, como os povos; porque, com prostituir-te, abandonaste o teu Deus, amaste a paga de prostituição em todas as eiras de cereais.

[2] A eira e o lagar não os manterão; e o vinho novo lhes faltará.

[3] Na terra do SENHOR, não permanecerão; mas Efraim tornará ao Egito e na Assíria comerá coisa imunda.

[4] Não derramarão libações de vinho ao SENHOR, nem os seus sacrifícios lhe serão agradáveis; seu pão será como pão de pranteadores, todos os que dele comerem serão imundos; porque o seu pão será

[12]Fiú dá scríobhfainn síos dó na mílte míle de m'aitheanta, mheasfaí mar rud iasachta iad.

[13]Tá andúil acu in íobairtí fola; Ofrálann siad iad chun go mbeadh an fheoil le hithe acu! Go deimhin, ní taitneamhach leis an Tiarna iad. As seo amach coinneoidh sé cuimhne ar a n-urchóid, agus cúiteoidh sé a bpeacaí leo; rachaidh siad ar ais chun na hÉigipte.

[14](Tá Iosrael tar éis a Chruthaitheoir a dhearmad agus páláis a thógáil. Thóg Iúdá a lán cathracha daingne chomh maith. Ach cuirfidh mise tine lena chathracha agus loiscfidh sí a pháláis.)

Hóisé 9

Díbirt agus Bás ar an gCoigríoch

[1]Ná déan gairdeachas, a Iosrael, le teann lúcháire ar nós na náisiún! Óir chuaigh tú le striapachas ó do Dhia, agus ar gach urlár buailte arbhair is i dtuarastal striapachais a bhí do dhúil.

[2]Ach ní chothóidh urlár buailte ná cantaoir iad feasta, agus rachaidh dá n-úrfhíon.

[3]Ní bheidh cónaí orthu níos mó i dtír an Tiarna, mar rachaidh Eafráim ar ais chun na hÉigipte agus íosfaidh siad bia neamhghlan san Asaír.

[4]Go brách arís ní dhoirtfidh siad fíon le hurraim don Tiarna, ná ní ofrálfaidh siad íobairtí dó. Ní bheidh acu ach mar a bheadh arán dobróin, agus an uile dhuine a íosfaidh é beidh sé neamhghlan. (Óir ní bheidh ach a gcothú féin amháin ina gcuid

exclusivamente para eles e não entrará na Casa do SENHOR.

[5] Que fareis vós no dia da solenidade e no dia da festa do SENHOR?

[6] Porque eis que eles se foram por causa da destruição, mas o Egito os ceifará, Mênfis os sepultará; as preciosidades da sua prata, as urtigas as possuirão; espinhos crescerão nas suas moradas.

[7] Chegaram os dias do castigo, chegaram os dias da retribuição; Israel o saberá; o seu profeta é um insensato, o homem de espírito é um louco, por causa da abundância da tua iniqüidade, ó Israel, e o muito do teu ódio.

[8] O profeta é sentinela contra Efraim, ao lado de meu Deus, laço do passarinheiro em todos os seus caminhos e inimizade na casa do seu Deus.

[9] Mui profundamente se corromperam, como nos dias de Gibeá. O SENHOR se lembrará das suas injustiças e castigará os pecados deles.

[10] Achei a Israel como uvas no deserto, vi a vossos pais como as primícias da figueira nova; mas eles foram para Baal-Peor, e se consagraram à vergonhosa idolatria, e se tornaram abomináveis como aquilo que amaram.

aráin; blúire de ní ofrálfar i dteach an Tiarna.)

[5]Cad a dhéanfaidh sibh ar lá an tsollúntais, ar lá fhéile an Tiarna?

[6]Mar, féach, teithfidh siad leo ón léirscrios; cruinneoidh an Éigipt iad, agus tabharfaidh Meimfís adhlacadh dóibh. Beidh neantóga ina n-oidhrí ar a n-earraí luachmhara airgid, agus glacfaidh sceacha seilbh ar a scrínte.

Géarleanúint ar an bhFáidh

[7]Tá laethanta an smachtaithe ag teacht, seo chugainn laethanta an chúitimh. Go raibh a fhios sin ag Iosrael! “Amadán is ea an fáidh”, a deir siad, “is ag rámhaille a bhíonn fear an spioraid.” Cinnte, ach is de dheasca bhur n-urchóide, agus bhur bhfuatha dom é.

[8]Tá faireoir Eafráim i bhfochair mo Dhé - is é an fáidh é. Tá líonta foghlaera leata ar a loirg uile, agus i dteach a Dhé déantar géarleanúint air.

[9]Tá poll domhain tochailte acu dó, faoi mar a rinneadh i nGibeá lá dá raibh. Ach coinneoidh an Tiarna cuimhne ar a n-urchóid, agus cúiteoidh sé leo a bpeacaí.

Fréamh an Oilc Seanpheacaí Iosrael
Peaca ag Bál Peór

[10]Mar chaora fíniúna san fhásach, is ea a tháinig mé ar Iosrael; mar chéadtoradh an chrainn fígí (i dtús an tséasúir), is ea a leag mé súil ar bhur sinsear. Ach chomh luath agus a shroich siad Bál Peór, choisric siad iad féin don Náire, agus níor lú an t-ábhar déistine dom iad ná na nithe dár thug siad gean.

[11] Quanto a Efraim, a sua glória voará como ave; não haverá nascimento, nem gravidez, nem concepção.
[12] Ainda que venham a criar seus filhos, eu os privarei deles, para que não fique nenhum homem. Ai deles, quando deles me apartar!

[13] Efraim, como planejei, seria como Tiro, plantado num lugar aprazível; mas Efraim levará seus filhos ao matador.

[14] Dá-lhes, ó SENHOR; que lhes darás? Dá-lhes um ventre estéril e seios secos.

[15] Toda a sua malícia se acha em Gilgal, porque ali passei a aborrecê-los; por causa da maldade das suas obras, os lançarei fora de minha casa; já não os amarei; todos os seus príncipes são rebeldes.

[16] Ferido está Efraim, secaram-se as suas raízes; não dará fruto; ainda que gere filhos, eu matarei os mais queridos do seu ventre.

[17] O meu Deus os rejeitará, porque não o ouvem; e andarão errantes entre as nações.

Oseias 10

Israel semeou malícia e segará destruição

[1] Israel é vide luxuriante, que dá o fruto; segundo a abundância do seu fruto, assim multiplicou os altares; quanto melhor a terra, tanto mais belas colunas fizeram.

[11]Tá acmhainn Eafráim ag eitilt uaithi mar éan, agus beidh sí gan bhreith, gan bhroinn, gan ghin.
[12]Go fiú má éiríonn leo a gclann a thógáil, bainfidh mise díobh iad roimh dóibh teacht in inmhe fir. Mairg dóibh go deimhin má thréigimse iad!
[13]Mar a fheictear domsa é, Tuír eile is ea Eafráim atá curtha in áit ghlas fhéarmhar ach beidh uirthi a clann a ligean uaithi le marfóir.
[14]Tabhair dóibh, a Thiarna, cibé rud is mian leat; tabhair dóibh broinnte a bhéarfaidh go hanabaí agus cíocha seasca.

Peacaí i nGilgeál

[15]Nochtar a n-olcas uile i nGilgeál. Go deimhin, is ann a líon mé dá bhfuath. De dheasca a ndrochghníomhartha díbreoidh mé as mo theach iad, agus ní bheidh grá agam dóibh níos mó. Ceannaircigh is ea a bhflatha uile.
[16]Tá Eafráim sleabhctha agus a bhfréamh seargtha; ní thabharfaidh siad toradh uathu go deo arís. Fiú má éiríonn leo clann a bhreith, maróidh mise toradh muirneach a mbroinne.
[17]Caithfidh mo Dhia uaidh iad, toisc gur dhiúltaigh siad éisteacht leis, agus imeoidh siad ar fán i measc na náisiúin.

Hóisé 10

Deireadh leis an gCultas Torthúlachta

[1]Fíniúin bhláfar a thugadh flúirse torthaí uaidh, ba ea Iosrael; Ach dá líonmhaire a thorthaí, b'amhlaidh ba líonmhaire a altóirí; agus dá shaibhre a chuid talún,

b'amhlaidh ba mhaisiúla na liagáin a thóg sé.

[2] O seu coração é falso; por isso, serão culpados; o SENHOR quebrará os seus altares e deitará abaixo as colunas.

[2]Croí dúbailte atá acu, ach tá siad ar tí a smachtaithe anois. Brisfidh an Tiarna a n-altóirí, agus scriosfaidh sé a liagáin.

[3] Agora, pois, dirão eles: Não temos rei, porque não tememos ao SENHOR. E o rei, que faria por nós?

[3]Go deimhin déarfaidh siad ansin: “Níl aon rí againn (mar ní eagal linn an Tiarna).” Ach cad d'fhéadfadh rí a dhéanamh ar ár son?

[4] Falam palavras vãs, jurando falsamente, fazendo aliança; por isso, brota o juízo como erva venenosa nos sulcos dos campos.

[4]Focail ar mhuin focal! mionnaí éithigh! conarthaí! agus is cuma riaradh an chirt acu nó an luifearnach nimhe a bhíonn ag borradh i gclaiseanna na ngort!

[5] Os moradores de Samaria serão atemorizados por causa do bezerro de Bete-Áven; o seu povo se lamentará por causa dele, e os sacerdotes idólatras tremerão por causa da sua glória, que já se foi.

[5]Tá eagla a n-anama ar mhuintir na Samáire mar gheall ar lao Bhéit Ávan. Gan amhras beidh a phobal ag mairgneach faoi, agus a chuid sagart ag rince ina thimpeall, mar go bhfuil a ghlóir imithe uaidh.

[6] Também o bezerro será levado à Assíria como presente ao rei principal; Efraim se cobrirá de vexame, e Israel se envergonhará por causa de seu próprio capricho.

[6]Tabharfar chun na hAsaíre é féin go cinnte, mar cháin [don Ardrí]. Náireofar Eafráim, bainfear lasadh as Iosrael, de dheasca na drochchomhairle a lean sé.

[7] O rei de Samaria será como lasca de madeira na superfície da água.

[7]Díothófar an tSamáir agus a rí, agus ní bheidh inti ach mar a bheadh slis ar bharr toinne.

[8] E os altos de Áven, pecado de Israel, serão destruídos; espinheiros e abrolhos crescerão sobre os seus altares; e aos montes se dirá: Cobri-nos! E aos outeiros: Caí sobre nós!

[8]Scriosfar na scrínte cnoc urchóideacha, mar a bpeacaíonn Iosrael, agus fásfaidh driseacha agus feochadáin ar a n-altóirí. Déarfaidh siad ansin leis na sléibhte: “Folaigí sinn”, agus leis na cnoic: “Titigí orainn.”

Smachtú Iosrael

[9] Desde os dias de Gibeá, pecaste, ó Israel, e nisto permaneceste. A peleja contra os

[9]Ó aimsir Ghibeá amach ní raibh Iosrael saor ó pheaca; níor éirigh siad as riamh!

filhos da perversidade não há de alcançar-te em Gibeá?

[10] Castigarei o povo na medida do meu desejo; e congregar-se-ão contra eles os povos, quando eu o punir por causa de sua dupla transgressão.

[11] Porque Efraim era uma bezerra domada, que gostava de trilhar; coloquei o jugo sobre a formosura do seu pescoço; atrelei Efraim ao carro. Judá lavrará, Jacó lhe desfará os torrões.

[12] Então, eu disse: semeai para vós outros em justiça, ceifai segundo a misericórdia; arai o campo de pousio; porque é tempo de buscar ao SENHOR, até que ele venha, e chova a justiça sobre vós.

[13] Arastes a malícia, colhestes a perversidade; comestes o fruto da mentira, porque confiastes nos vossos carros e na multidão dos vossos valentes.

[14] Portanto, entre o teu povo se levantará tumulto de guerra, e todas as tuas fortalezas serão destruídas, como Salmã destruiu a Bete-Arbel no dia da guerra; as mães ali foram despedaçadas com seus filhos.

[15] Assim vos fará Betel, por causa da vossa grande malícia; como passa a alva, assim será o rei de Israel totalmente destruído.

Oseias 11

O amor de Deus Pai. A ingratidão de Israel

Nach i nGibeá a bhéarfaidh an cogadh orthu mar sin?

[10]Tiocfaidh mé i gcoinne na gcladhairí chun iad a smachtú. Cruinneoidh mé na náisiúin ina n-aghaidh chun cimí a dhéanamh díobh in éiric an dá choir a rinne siad.

Budóg Mhealltach ba ea Eafráim

[11]Budóg dhea-riata ba ea Eafráim, ar bhreá léi bheith ag bualadh arbhair; mise a chuir cuing ar a muineál álainn. Is ea, ghléas mé Eafráim chun treafa, agus Iacób chun fuirste.

[12]Cuirigí síolta an ionracais daoibh féin; bainigí fómhar an bhuanghrá; brisigí bhur bhfearann branair, óir is mithid daoibh an Tiarna a lorg nó go dtiocfaidh sé chun an fhíréantacht a shileadh oraibh.

[13]Shaothraigh sibh an t-olc; ba í an chlaidhreacht bhur bhfómhar, agus d'ith sibh toradh an éithigh.

Tubaiste Dhosheachanta ag Bagairt

Ó tá muinín agat as do chumhacht féin agus as oll-líon do laochra,

[14]éireoidh gleo an chogaidh i measc do mhuintire, agus scriosfar do dhúnta uile, mar a scrios Sealman Béit Arabael lá an chatha, nuair a rinneadh smidiríní den mháthair agus dá clann.

[15]Tarraingeoidh Béit Éil an íde chéanna oraibhse, in éiric bhur mioscaise gan teorainn. Le lonradh lae léirscriosfar rí Iosrael.

Hóisé 11

Grá an Tiarna níos Láidre ná a Fhearg

[1] Quando Israel era menino, eu o amei; e do Egito chamei o meu filho.

[2] Quanto mais eu os chamava, tanto mais se iam da minha presença; sacrificavam a baalins e queimavam incenso às imagens de escultura.

[3] Todavia, eu ensinei a andar a Efraim; tomei-os nos meus braços, mas não atinaram que eu os curava.

[4] Atraí-os com cordas humanas, com laços de amor; fui para eles como quem alivia o jugo de sobre as suas queixadas e me inclinei para dar-lhes de comer.

[5] Não voltarão para a terra do Egito, mas o assírio será seu rei, porque recusam converter-se.

[6] A espada cairá sobre as suas cidades, e consumirá os seus ferrolhos, e as devorará, por causa dos seus caprichos.

[7] Porque o meu povo é inclinado a desviar-se de mim; se é concitado a dirigir-se acima, ninguém o faz.

[8] Como te deixaria, ó Efraim? Como te entregaria, ó Israel? Como te faria como a Admá? Como fazer-te um Zeboim? Meu coração está comovido dentro de mim, as minhas compaixões, à uma, se acendem.

[1]Nuair a bhí Iosrael ina naíonán, bhí grá agam dó, agus ghlaoigh mé mo mhac as an Éigipt.

[2]Ach dá mhéad dá nglaoití orthu, is amhlaidh is faide a d'éalaídís [uaim]; d'ofrálaidís íobairtí do na Bálaím, agus dhóidís túis i láthair íol.

[3]Ach ina dhiaidh sin féin is mise a mhúin siúl d'Eafráim; thógainn suas i mo bhaclainn iad, ach níor aithin siad gur mise a bhí ag tabhairt aire dóibh.

[4]Bhínn á dtarraingt chugam féin le srianta daonna, le téada grá chun iad a mhuirniú, mar a dhéanfadh duine a d'ardódh naíonán chun a leicinn; agus chromainn síos chucu chun rud le hithe a thabhairt dóibh.

[5]Ach rachaidh siad ar ais go dtí críocha na hÉigipte, agus beidh an Asaír ina rí orthu de bhrí gur dhiúltaigh siad filleadh ormsa.

[6]Réabfaidh an claíomh roimhe trína gcathracha; scriosfaidh sé a gcuid scaothairí, agus dísceoidh sé iad mar gheall ar a ndroch-chomhairle.

[7]Tá claonadh i mo phobal chun iompú uaim; [nuair a ghlaotar orthu] éirí in airde, níl duine díobh a dhíríonn aniar.

[8]Cad é mar a thabharfainn suas thú, a Eafráim! Cad é mar a thréigfinn thú, a Iosrael! Nach beag a thabharfadh orm íde Admá a imirt ort, agus tú a dhéanamh cosúil le Zabóím! Ach ní bhfaighinn ó mo chroí a dhéanamh, mar gur ghabh trua duit mé.

[9] Não executarei o furor da minha ira; não tornarei para destruir a Efraim, porque eu sou Deus e não homem, o Santo no meio de ti; não voltarei em ira.

[10] Andarão após o SENHOR; este bramará como leão, e, bramando, os filhos, tremendo, virão do Ocidente;

[11] tremendo, virão, como passarinhos, os do Egito, e, como pombas, os da terra da Assíria, e os farei habitar em suas próprias casas, diz o SENHOR.

[12] Efraim me cercou por meio de mentiras, e a casa de Israel, com engano; mas Judá ainda domina com Deus e é fiel com o Santo.

Oseias 12

Jacó, modelo para o povo de Israel

[1] Efraim apascenta o vento e persegue o vento leste todo o dia; multiplica mentiras e destruição e faz aliança com a Assíria, e o azeite se leva ao Egito.

[2] O SENHOR também com Judá tem contenda e castigará Jacó segundo o seu proceder; segundo as suas obras, o recompensará.

[9]Ní ligfidh mé amach ort mo racht feirge; ní scriosfaidh mé Eafráim go deo, óir ní duine mé ach Dia. In bhur measc is mé an Té is naofa, agus ní thiocfaidh mé chugaibh le teann feirge.

[10]Gluaisfidh siad i ndiaidh an Tiarna. Búirfidh seisean mar leon, agus nuair a bhúirfidh, rithfidh a chlann mhac chuige ón iarthar agus a gcroí ag preabadh.

[11]Tiocfaidh siad ón Éigipt mar ealta éan, agus ó chríocha na hAsaíre mar scata colm, agus treoróidh mé abhaile iad chun a dtithe féin - an Tiarna a labhraíonn.

Hóisé 12

Cultas Bréige agus Drochpholaitíocht

[1] Tá Eafráim do mo thimpeallú le camastaíl, agus teaghlach Iosrael do mo sháinniú le cluanaireacht. (Ach gluaiseann Iúdá in éineacht le Dia fós agus fanann sí dílis don Té is Naofa.)

[2] Bíonn Eafráim ag aoireacht na gaoithe, agus ag rith gan stad ar thóir an ghála anoir. Is ag dul i méad atá a chaimiléireacht agus a bhaois: déantar conradh leis an Asaír, agus beirtear cáin ola don Éigipt.

In Éadan Iacóib agus Iosrael

[3] Tá cúis dlí ar bun ag an Tiarna in aghaidh Iosrael. Cúiteoidh sé a dhrochbhéasa le Iacób, agus agróidh sé air a ainghníomhartha.

[3] No ventre, pegou do calcanhar de seu irmão; no vigor da sua idade, lutou com Deus;

[4] lutou com o anjo e prevaleceu; chorou e lhe pediu mercê; em Betel, achou a Deus, e ali falou Deus conosco.

[5] O SENHOR, o Deus dos Exércitos, o SENHOR é o seu nome;

[6] converte-te a teu Deus, guarda o amor e o juízo e no teu Deus espera sempre.

[7] Efraim, mercador, tem nas mãos balança enganosa e ama a opressão;

[8] mas diz: Contudo, me tenho enriquecido e adquirido grandes bens; em todos esses meus esforços, não acharão em mim iniqüidade alguma, nada que seja pecado.

[9] Mas eu sou o SENHOR, teu Deus, desde a terra do Egito; eu ainda te farei habitar em tendas, como nos dias da festa.

[10] Falei aos profetas e multipliquei as visões; e, pelo ministério dos profetas, propus símiles.

[11] Se há em Gileade transgressão, pura vaidade são eles; se em Gilgal sacrificam bois, os seus altares são como montões de pedra nos sulcos dos campos.

[4] Sa bhroinn féin bhuail sé bob ar a dhearthái r, agus in inmhe fir dó chuaigh sé i ngleic le Dia.

[5] (Chuaigh sé ag coraíocht le haingeal agus bhuaigh sé air.) Ghoil sé agus d'agair sé trócaire air. Thaibhsigh an Tiarna dó i mBéit Éil agus labhair sé leis ansin.

[6] (Is é an Tiarna, sea an Tiarna, Dia na Slua, a ainm!)

[7] Le cuidiú do Dhé, beidh tú in ann filleadh leat abhaile; ach caomhnaigh an buanghrá agus an ceart, agus bíodh muinín agat as do Dhia de shíor.

[8] Bíonn meá mhealltach ina láimh aici, ag an gCanán; is breá léi éagóir a dhéanamh.

[9] "Ach ina dhiaidh sin féin," arsa Eafráim, "d'éirigh mé saibhir agus tá stór cruinnithe agam, agus d'ainneoin mo mhaoine uile ní bhfuarthas aon urchóid ionam, a bhféadfaí coir a thabhairt air."

[10] Is mise an Tiarna, do Dhia, ón uair a threoraigh mé thú as críocha na hÉigipte, ach tabharfaidh mé ort cónaí arís i mbothanna faoi mar a rinne tú nuair a theagmhaíomar le chéile tráth.

[11] Labhróidh mé leis na fáithe, agus tabharfaidh mé a lán físeanna dóibh; trí bhíthin na bhfáithe labhróidh mé parabail.

[12] Gileád! is í an urchóid í! níl iontu ach calaois! I nGilgeál ofrálann siad íobairtí do thairbh! Dá bhrí sin beidh a n-altóirí cosúil le cairn chloch i gclaiseanna na ngort.

[12] Jacó fugiu para a terra da Síria, e Israel serviu por uma mulher e por ela guardou o gado.

[13] Mas o SENHOR, por meio de um profeta, fez subir a Israel do Egito e, por um profeta, foi ele guardado.

[14] Efraim mui amargamente provocou à ira; portanto, o SENHOR deixará ficar sobre ele o sangue por ele derramado; e fará cair sobre ele o seu opróbrio.

[13] Theith Iacób go dtí críocha Arám; bhí Iosrael ina sheirbhíseach ann ar son mná amháin, agus ar son mná eile bhí sé ina aoire caorach.

[14] Ach le cuidiú fáidh thug an Tiarna Iosrael aníos ón Éigipt, agus ba le cuidiú fáidh a caomhnaíodh é.

[15] Chuir Eafráim le fearg ghéar ghoirt é áfach. Dá dheasca sin ligfidh a Thiarna dá fheallbhearta fola filleadh air, agus tabharfaidh sé tomhas a láimhe féin dó in éiric na maslaí a thug sé dó.

Oseias 13

Castigo definitivo

[1] Quando falava Efraim, havia tremor; foi exaltado em Israel, mas ele se fez culpado no tocante a Baal e morreu.

[2] Agora, pecam mais e mais, e da sua prata fazem imagens de fundição, ídolos segundo o seu conceito, todos obra de artífices, e dizem: Sacrificai a eles. Homens até beijam bezerros!

[3] Por isso, serão como nuvem de manhã, como orvalho que cedo passa, como palha que se lança da eira e como fumaça que sai por uma janela.

[4] Todavia, eu sou o SENHOR, teu Deus, desde a terra do Egito; portanto, não conhecerás outro deus além de mim, porque não há salvador, senão eu.

Hóisé 13

Díolfar as an Íoladhradh

[1]Nuair a labhraíodh Eafráim, thagadh creathnú ar dhaoine: óir ba cheannasach in Iosrael é. Ach fuarthas ciontach é mar gheall ar Bhál agus tá sé ag fáil bháis.

[2]Peacaíonn siad anois níos mó ná riamh; déanann siad dealbha teilgthe dóibh féin, íola a mhúnlaítear go cliste as a gcuid airgid, ach nach bhfuil iontu uile ach déantús ceardaithe. “Ofrálaigí íobairtí dóibh seo,” deir siad; agus pógtar laonna!

[3]Dá dheasca sin beidh siad cosúil le néal maidine, nó leis an drúcht a imíonn as radharc go luath, nó leis an gcáith a shéidtear chun siúil ó urlár buailte, nó le púir dheataigh a shíobtar an fhuinneog amach.

Díolfar as Míbhuíochas

[4]Is mise an Tiarna, do Dhia, ón uair a threoraigh mé thú as críocha na hÉigipte. Ní aithnid duit aon Dia eile ach mé, ná níl aon slánaitheoir eile ann ach mé.

[5] Eu te conheci no deserto, em terra muito seca.

[6] Quando tinham pasto, eles se fartaram, e, uma vez fartos, ensoberbeceu-se-lhes o coração; por isso, se esqueceram de mim.

[7] Sou, pois, para eles como leão; como leopardo, espreito no caminho.

[8] Como ursa, roubada de seus filhos, eu os atacarei e lhes romperei a envoltura do coração; e, como leão, ali os devorarei, as feras do campo os despedaçarão.

[9] A tua ruína, ó Israel, vem de ti, e só de mim, o teu socorro.

[10] Onde está, agora, o teu rei, para que te salve em todas as tuas cidades? E os teus juízes, dos quais disseste: Dá-me rei e príncipes?

[11] Dei-te um rei na minha ira e to tirei no meu furor.

[12] As iniqüidades de Efraim estão atadas juntas, o seu pecado está armazenado.

[13] Dores de parturiente lhe virão; ele é filho insensato, porque é tempo, e não sai à luz, ao abrir-se da madre.

[14] Eu os remirei do poder do inferno e os resgatarei da morte; onde estão, ó morte, as tuas pragas? Onde está, ó inferno, a tua destruição? Meus olhos não vêem em mim arrependimento algum.

[5]Is mise a rinne aoireacht ort san fhásach, i ndúiche an triomaigh mhóir.

[6]Bheathaigh mé iad agus fuair siad a sáith, ach nuair a bhí siad sách, tháinig éirí in airde ar a gcroí, agus mar sin de rinne siad dearmad díomsa.

[7]Chaith mé leo mar a dhéanfadh leon; amhail liopard bhí mé ag faire orthu le hais an bhóthair.

[8]Thug mé fogha fúthu amhail beithir ar baineadh uaithi a coileáin, agus réab mé cochall a gcroí; rinne madraí craos orthu ansin, agus stróic ainmhithe allta as a chéile iad.

[9]Táim ar tí tú a scriosadh, a Iosrael! Cé a thiocfaidh i gcabhair ort?

[10]Cá bhfuil do rí anois chun tú féin agus do chathracha uile a shábháil? Cá bhfuil do rialtóirí, iad siúd a ndúirt tú fúthu: "Tabhair dom rí agus flatha"?

[11]Thug mé rí duit le teann feirge, ach le racht cuthaigh bainim uait é arís.

Dísciú Eafráim

[12]Tá urchóid Eafráim á coinneáil faoi chumhdach, agus tá a peaca curtha i dtaisce.

[13]Tá tinneas clainne ag tosú di, ach is páiste díchéillí í; mar cé go bhfuil ionú a breithe ann, ní thagann sí go béal na broinne.

[14]Fuascloidh mé ó chumhacht Sheól iad; Sábhálfaidh mé iad ón mBás. Cá bhfuil do ghathanna, a Bháis? Cá bhfuil do chealg, a Sheól? Ceilfear uirthi áfach an trua atá agam di.

[15] Ainda que ele viceja entre os irmãos, virá o vento leste, vento do SENHOR, subindo do deserto, e secará a sua nascente, e estancará a sua fonte; ele saqueará o tesouro de todas as coisas preciosas.

[15]Cé gur fhás sí suas go borb i measc a muintire, tiocfaidh an ghaoth anoir uirthi, gaoth an Tiarna a éireoidh ón bhfásach; agus triomófar a foinse agus rachaidh a tobar i ndísc. (Creachfaidh sí a chuid maoine agus a earraí luachmhara uile.)

Hóisé 14

[16] Samaria levará sobre si a sua culpa, porque se rebelou contra o seu Deus; cairá à espada, seus filhos serão despedaçados, e as suas mulheres grávidas serão abertas pelo meio.

[1] Scriosfar an tSamáir, mar bhí sí easumhal dá Dia. Bás le faobhar a imreofar orthu; déanfar smidiríní dá leanaí, agus réabfar a mná torracha.

Oseias 14

Promessas de perdão

[1] Volta, ó Israel, para o SENHOR, teu Deus, porque, pelos teus pecados, estás caído.

[2] Tende convosco palavras de arrependimento e convertei-vos ao SENHOR; dizei-lhe: Perdoa toda iniqüidade, aceita o que é bom e, em vez de novilhos, os sacrifícios dos nossos lábios.

[3] A Assíria já não nos salvará, não iremos montados em cavalos e não mais diremos à obra das nossas mãos: tu és o nosso Deus; por ti o órfão alcançará misericórdia.

[4] Curarei a sua infidelidade, eu de mim mesmo os amarei, porque a minha ira se apartou deles.

[5] Serei para Israel como orvalho, ele florescerá como o lírio e lançará as suas raízes como o cedro do Líbano.

Maithiúnas agus Rath i nDíol ar Fhíoraithrí

[2] Fill, a Iosrael, ar an Tiarna, do Dhia, óir baineadh tuisle asat de dheasca do chuid urchóide.

[3] Bíodh riar bhur gcáis de bhriathra agaibh, agus filligí ar an Tiarna agus abraigí leis: Maith dúinn ár gcionta uile, le go bhfaighimid uait rud is fónta, i ndíol ar na briathra a chanaimid duit.

[4] Ní lorgóimid cúnamh ón Asaír, ná ní rachaimid i muinín eachra; go deo arís ní chanfaimid: "A Dhia linn" do dhéantús ár lámh; (óir is tú a ghlacann trua don dílleachta).

[5] Leigheasfaidh mé a mídhílseacht, tabharfaidh mé grá dóibh go fonnmhar, mar ní díol feirge liom iad níos mó.

[6] Silfidh mé ar Iosrael mar an drúcht. Bláthóidh sí ar nós na lile, agus cuirfidh sí

uaithi a fréamhacha mar a dhéanann an stóracs.

6 Estender-se-ão os seus ramos, o seu esplendor será como o da oliveira, e sua fragrância, como a do Líbano.

7 Caithreoidh a géagáin; áilleacht na holóige agus cumhracht an stóraics a dháilfear uirthi.

7 Os que se assentam de novo à sua sombra voltarão; serão vivificados como o cereal e florescerão como a vide; a sua fama será como a do vinho do Líbano.

8 Lonnóidh siad faoi mo scáth arís; saothróidh siad arbhar, agus beidh fíniúna ag fás acu, a mbeidh cáil orthu mar atá ar fhíon na Liobáine.

8 Ó Efraim, que tenho eu com os ídolos? Eu te ouvirei e cuidarei de ti; sou como o cipreste verde; de mim procede o teu fruto.

9 Cad ab áil le hEafráim d'íola feasta? Is mise a thugann éisteacht dó, agus a bheidh ag faire air. Táimse cosúil le crann úrghlas cufróige; más torthúil thusa, tá a bhuíochas sin ormsa.

Apelo final

9 Quem é sábio, que entenda estas coisas; quem é prudente, que as saiba, porque os caminhos do SENHOR são retos, e os justos andarão neles, mas os transgressores neles cairão.

Comhairle don Léitheoir

10 Tuigeadh an t-eagnaí na briathra sin: bíodh grinneolas ag an saoi orthu. Óir is díreach iad bealaí an Tiarna agus gluaiseann na fíréin dá réir, ach bíonn siad ina gceap tuisle do lucht na heasumhlaíochta.

Joel	Ióéil

Joel 1

A carestia causada pelo gafanhoto e pela seca

[1] Palavra do SENHOR que foi dirigida a Joel, filho de Petuel.

[2] Ouvi isto, vós, velhos, e escutai, todos os habitantes da terra: Aconteceu isto em vossos dias? Ou nos dias de vossos pais?

[3] Narrai isto a vossos filhos, e vossos filhos o façam a seus filhos, e os filhos destes, à outra geração.

[4] O que deixou o gafanhoto cortador, comeu-o o gafanhoto migrador; o que deixou o migrador, comeu-o o gafanhoto devorador; o que deixou o devorador, comeu-o o gafanhoto destruidor.

[5] Ébrios, despertai-vos e chorai; uivai, todos os que bebeis vinho, por causa do mosto, porque está ele tirado da vossa boca.

[6] Porque veio um povo contra a minha terra, poderoso e inumerável; os seus dentes são dentes de leão, e ele tem os queixais de uma leoa.

[7] Fez de minha vide uma assolação, destroçou a minha figueira, tirou-lhe a casca, que lançou por terra; os seus sarmentos se fizeram brancos.

[8] Lamenta com a virgem que, pelo marido da sua mocidade, está cingida de pano de saco.

Ióéil 1

Teideal

[1]Briathar an Tiarna a labhraíodh le Ióéil, mac Phatuéil.

Ionradh na Lócaistí
Tuairisc na Plá

[2]Éistigí leis seo, a sheanóirí! Tugaigí cluas, a áitritheoirí uile na tíre! Ar tharla a leithéid seo riamh le bhur linn féin nó le linn bhur sinsear?

[3]Insígí do bhur gclann é agus insíodh bhur gclann dá sliocht féin é agus insíodh a sliochtsan é do ghlúin eile fós.

[4]Cibé rud a d'fhág an gearrthóir d'alp an lócaiste é agus cibé rud a d'fhág an lócaiste d'alp an preabaire é agus cibé rud a d'fhág an preabaire d'alp an scriostóir é.

[5]Dúisígí, a mheisceoirí, agus goiligí! Déanaigí olagón faoi shú na bhfíniúna, a lucht olta an fhíona, mar nach bhfuil fliuchadh bhur mbéil de ann!

[6]Óir, tá scaoth chumhachtach gan áireamh tar éis ionradh a dhéanamh ar mo thír. Fiacla leoin a bhfiacla agus is starrfhiacla banleoin atá acu.

[7]Rinne siad léirscrios ar mo chuid fíniúna agus scéalp siad mo chrainn fígí; bhain siad an choirt go léir díobh agus leag iad; is bán iad a ngéaga anois.

[8]Caoin thú féin mar a dhéanfadh maighdean a bheadh gléasta i sacéadach ar son céile a hóige.

[9] Cortada está da Casa do SENHOR a oferta de manjares e a libação; os sacerdotes, ministros do SENHOR, estão enlutados.

[9]Ní dhéantar ofráil arbhair ná íobairt dí níos mó i dteach an Tiarna. Caoinigí, a shagarta, a lucht friotháilte an Tiarna!

[10] O campo está assolado, e a terra, de luto, porque o cereal está destruído, a vide se secou, as olivas se murcharam.

[10]Tá na páirceanna bánaithe agus an talamh triomaithe; óir, scriosadh an t-arbhar agus tá an t-úrfhíon ag dul i ndísc agus tá meath ag teacht ar an ola nua.

[11] Envergonhai-vos, lavradores, uivai, vinhateiros, sobre o trigo e sobre a cevada, porque pereceu a messe do campo.

[11]Bíodh ceann faoi oraibhse, a fheirmeoirí! Déanaigí olagón, a shaothróirí fíniúna, faoin gcruithneacht agus faoin eorna mar tá fómhar na ngort millte.

[12] A vide se secou, a figueira se murchou, a romeira também, e a palmeira e a macieira; todas as árvores do campo se secaram, e já não há alegria entre os filhos dos homens.

[12]Tá an fhíniúin slabhctha agus an crann fígí ag meath. Tá an phomagránait agus an phailm agus an crann úll agus crainn uile na tíre seargtha agus an sult súite as croíthe na ndaoine.

Déanaigí Aithrí!

[13] Cingi-vos de pano de saco e lamentai, sacerdotes; uivai, ministros do altar; vinde, ministros de meu Deus; passai a noite vestidos de panos de saco; porque da casa de vosso Deus foi cortada a oferta de manjares e a libação.

[13]Cuirigí sacéadach oraibh, a shagarta, agus canaigí caoineadh! Déanaigí olagón, a lucht friotháilte na haltóra! Téanaigí, caithigí an oíche i sacéadach, a fhriothálaithe mo Dhé, mar tá an ofráil arbhair agus an íobairt dí díbeartha as teach bhur nDé.

[14] Promulgai um santo jejum, convocai uma assembléia solene, congregai os anciãos, todos os moradores desta terra, para a Casa do SENHOR, vosso Deus, e clamai ao SENHOR.

[14]Ordaígí troscadh! Fógraígí comóradh sollúnta! Bailígí le chéile, a sheanóirí, áitritheoirí uile na tíre, isteach i dteach an Tiarna, bhur nDia. Glaoigí air.

[15] Ah! Que dia! Porque o Dia do SENHOR está perto e vem como assolação do Todo-Poderoso.

[15]Faraor! Cad é mar lá! Óir, tá lá an Tiarna in achmaireacht agus is mar spréach ón spéir a theacht.

[16] Acaso, não está destruído o mantimento diante dos vossos olhos? E, da casa do nosso Deus, a alegria e o regozijo?
[17] A semente mirrou debaixo dos seus torrões, os celeiros foram assolados, os armazéns, derribados, porque se perdeu o cereal.

[18] Como geme o gado! As manadas de bois estão sobremodo inquietas, porque não têm pasto; também os rebanhos de ovelhas estão perecendo.

[19] A ti, ó SENHOR, clamo, porque o fogo consumiu os pastos do deserto, e a chama abrasou todas as árvores do campo.

[20] Também todos os animais do campo bramam suspirantes por ti; porque os rios se secaram, e o fogo devorou os pastos do deserto.

Joel 2

[1] Tocai a trombeta em Sião e dai voz de rebate no meu santo monte; perturbem-se todos os moradores da terra, porque o Dia do SENHOR vem, já está próximo;

[2] dia de escuridade e densas trevas, dia de nuvens e negridão! Como a alva por sobre os montes, assim se difunde um povo grande e poderoso, qual desde o tempo antigo nunca houve, nem depois dele

[16]Nár imigh an bia ar ceal os comhair ár súl? Nár díbríodh an t-áthas agus an lúcháir as teach ár nDé?

[17]Tá na síolta seargtha faoi na fóid agus na hiothlanna folamh agus na sciobóil scriosta mar gur mheath an t-arbhar.

[18]Cad é mar a chneadann na beithígh! Tá na sealbháin bó ar mire mar níl féarach ar bith acu; agus fiú amháin na tréada caorach féin tá aithne na héigne faighte acusan chomh maith.

Guí an Fháidh

[19]Is ortsa a ghlaoim, a Thiarna, mar tá tine tar éis tailte féaraigh na steipeanna a mhilleadh agus tá lasair tar éis crainn uile na tíre a dhó.

[20]Fiú amháin beithígh an mhachaire féin tá siad ag tnúthán leat. Óir, tá na claiseanna uisce imithe i ndísc agus tá tine tar éis tailte féaraigh na steipeanna a mhilleadh.

Ióéil 2

Na Lócaistí agus Lá an Tiarna

[1]Séidigí an stoc i Síón! Tógaigí gártha rabhaidh ar mo shliabh naofa! Creathnaíodh áitritheoirí uile na tíre! Óir, tá lá an Tiarna ag teacht, tá sé in achmaireacht.

[2]Lá dorchadais agus doiléire! Lá scamall agus dúnéalta! Ar nós na camhaoire tá scaoth líonmhar láidir ag leathadh thar na sléibhte; ní raibh a leithéid ann riamh ná ní bheidh a leithéid ann arís go ceann na gcianta cairbreacha.

haverá pelos anos adiante, de geração em geração.

3 À frente dele vai fogo devorador, atrás, chama que abrasa; diante dele, a terra é como o jardim do Éden; mas, atrás dele, um deserto assolado. Nada lhe escapa.

3Rompu amach tá tine ag ídiú léi agus tá na lasracha ag loscadh ina ndiaidh. Sula dtagann siad bíonn an dúiche cosúil le gairdín Éidin ach is cuma nó fásach folamh í ina ndiaidh; ní théann aon ní slán uathu.

4 A sua aparência é como a de cavalos; e, como cavaleiros, assim correm.

4Cruth capall a gcruth agus réabann siad leo ar aghaidh ar nós eachra cogaidh.

5 Estrondeando como carros, vêm, saltando pelos cimos dos montes, crepitando como chamas de fogo que devoram o restolho, como um povo poderoso posto em ordem de combate.

5Ag scinneadh thar mhullaí na sléibhte dóibh déanann siad torann mar thormáil carbad nó mar chnagarnach lasracha ag ídiú coinligh nó mar arm cumhachtach faoi chóiriú catha.

6 Diante deles, tremem os povos; todos os rostos empalidecem.

6Tá na daoine ag cúbadh rompu le teann duainéise: iompaíonn a lí orthu uile.

7 Correm como valentes; como homens de guerra, sobem muros; e cada um vai no seu caminho e não se desvia da sua fileira.

7Réabann siadsan leo ar aghaidh mar laochra láidre; amhail fir chogaidh dreapann siad an balla; téann gach ceann díobh ar aghaidh ina líne féin agus ní chlaonann siad óna raon.

8 Não empurram uns aos outros; cada um segue o seu rumo; arremetem contra lanças e não se detêm no seu caminho.

8Ní bhuaileann siad le chéile mar gluaiseann gach ceann díobh feadh a chasáin féin. Réabann siad leo ar aghaidh trí lár na ndiúracán i ranganna gan briseadh.

9 Assaltam a cidade, correm pelos muros, sobem às casas; pelas janelas entram como ladrão.

9Ionsaíonn siad an chathair, ritheann siad ar an mballa, dreapann siad suas ar na tithe agus déanann siad a mbealach isteach trí na fuinneoga ar nós gadaithe.

10 Diante deles, treme a terra, e os céus se abalam; o sol e a lua se escurecem, e as estrelas retiram o seu resplendor.

10Tá an talamh ar crith agus na spéartha suaite rompu; tá an ghrian agus an ghealach ag dorchú agus na réaltaí ag cailleadh a ngile.

[11] O SENHOR levanta a voz diante do seu exército; porque muitíssimo grande é o seu arraial; porque é poderoso quem executa as suas ordens; sim, grande é o Dia do SENHOR e mui terrível! Quem o poderá suportar?

A misericórdia do Senhor

[12] Ainda assim, agora mesmo, diz o SENHOR: Convertei-vos a mim de todo o vosso coração; e isso com jejuns, com choro e com pranto.

[13] Rasgai o vosso coração, e não as vossas vestes, e convertei-vos ao SENHOR, vosso Deus, porque ele é misericordioso, e compassivo, e tardio em irar-se, e grande em benignidade, e se arrepende do mal.

[14] Quem sabe se não se voltará, e se arrependerá, e deixará após si uma bênção, uma oferta de manjares e libação para o SENHOR, vosso Deus?

[15] Tocai a trombeta em Sião, promulgai um santo jejum, proclamai uma assembléia solene.

[16] Congregai o povo, santificai a congregação, ajuntai os anciãos, reuni os filhinhos e os que mamam; saia o noivo da sua recâmara, e a noiva, do seu aposento.

[17] Chorem os sacerdotes, ministros do SENHOR, entre o pórtico e o altar, e orem: Poupa o teu povo, ó SENHOR, e não entregues a tua herança ao opróbrio, para que as nações façam escárnio dele. Por que hão de dizer entre os povos: Onde está o seu Deus?

[11]Ardaíonn an Tiarna a ghlór ar thosach a shlua; is do-áirithe an t-arm atá aige agus is cumhachtach an té a chomhlíonann a orduithe. Óir lá mór is ea lá an Tiarna agus is scéiniúil é go deimhin. Cé atá in ann a fhulaingt?

Déanaigí Aithrí, Troscadh agus Guí

[12]“Ach anois féin,” a deir an Tiarna, “filligí ormsa le lándúthracht bhur gcroí agus sibh ar troscadh agus ag gol agus ag olagón;

[13]agus réabaigí bhur gcroí in ionad bhur mball éadaigh.” Filligí chun an Tiarna, bhur nDia, mar tá sé truachroíoch agus trócaireach, mall chun feirge agus lán de bhuanghrá agus is aithreachas dó an t-olc.

[14]Cá bhfios ná go dtiocfaidh aithreachas air arís agus go bhfágfaidh sé a bheannacht ina dhiaidh sa chaoi go mbeidh ofráil arbhair agus íobairt dí agaibh le haghaidh an Tiarna bhur nDia.

[15]Séidigí an stoc i Síón! Ordaígí troscadh! Fógraígí comóradh sollúnta!

[16]Cruinnigí an pobal, ordaígí tionól, bailígí na seanóirí, tugaigí na leanaí i gceann a chéile, fiú na naíonáin chíche féin. Imíodh an nuachéile as a sheomra agus an nuachar as a cailleach.

[17]Idir an póirse agus an altóir goileadh na sagairt, lucht friotháilte an Tiarna, agus abraidís: “Coigil do phobal, a Thiarna; ná déan ceap magaidh de d'oidhreacht, í ina staicín aiféise i measc na náisiún. Cén fáth a mbeadh sé le rá ag na náisiúin: ‘Cá bhfuil a nDia siúd? ’ ”

[18] Então, o SENHOR se mostrou zeloso da sua terra, compadeceu-se do seu povo

[19] e, respondendo, lhe disse: Eis que vos envio o cereal, e o vinho, e o óleo, e deles sereis fartos, e vos não entregarei mais ao opróbrio entre as nações.

[20] Mas o exército que vem do Norte, eu o removerei para longe de vós, lançá-lo-ei em uma terra seca e deserta; lançarei a sua vanguarda para o mar oriental, e a sua retaguarda, para o mar ocidental; subirá o seu mau cheiro, e subirá a sua podridão; porque agiu poderosamente.

[21] Não temas, ó terra, regozija-te e alegra-te, porque o SENHOR faz grandes coisas.

[22] Não temais, animais do campo, porque os pastos do deserto reverdecerão, porque o arvoredo dará o seu fruto, a figueira e a vide produzirão com vigor.

[23] Alegrai-vos, pois, filhos de Sião, regozijai-vos no SENHOR, vosso Deus, porque ele vos dará em justa medida a chuva; fará descer, como outrora, a chuva temporã e a serôdia.

[24] As eiras se encherão de trigo, e os lagares transbordarão de vinho e de óleo.

Freagra an Tiarna

[18]Tháinig tocht díograise ar an Tiarna dá thír agus ghlac sé trua dá phobal.

[19]D'fhreagair an Tiarna a phobal agus dúirt: “Féach, tá arbhar agus úrfhíon agus ola nua á gcur chugaibh agam agus beidh bhur ndóthain díobh agaibh agus ní dhéanfaidh mé ceap magaidh díbh arís go deo os comhair na náisiún.

[20]Seolfaidh mé an tuaisceartach i bhfad uaibh; tiomáinfidh mé go dtí talamh loiscneach lom é, a thosach go dtí Muir an Oirthir agus a dheireadh go dtí Muir an Iarthair agus éireoidh bréantas agus drochbholadh uaidh mar tá éachtaí oilc déanta aige.

[21]“A thalaimh, ná bíodh eagla ort feasta! Bíodh áthas ort agus gairdeas! Óir, tá éachtaí déanta ag an Tiarna.

[22]Ná bíodh eagla oraibhse ach oiread, a bheithíocha an mhachaire! Mar tá tailte féaraigh na steipeanna glas arís agus na crainn trom faoi thorthaí agus an crann fígí agus an fhíniúin ag tabhairt a gcuid saibhris uathu.

[23]“A chlann Shíón, bíodh áthas agus gairdeas oraibh ar son an Tiarna, bhur nDia. Óir, thug sé fearthainn an fhómhair daoibh mar is é is cóir; agus chuir sé flúirse báistí anuas oraibh, fearthainn an fhómhair agus fearthainn an earraigh, mar a dhéanadh sé fadó.

[24]Tá na hurláir bhuailte lán d'arbhar agus na cantaoirí ag cur thar maoil le húrfhíon agus le hola nua.

[25] Restituir-vos-ei os anos que foram consumidos pelo gafanhoto migrador, pelo destruidor e pelo cortador, o meu grande exército que enviei contra vós outros.

[26] Comereis abundantemente, e vos fartareis, e louvareis o nome do SENHOR, vosso Deus, que se houve maravilhosamente convosco; e o meu povo jamais será envergonhado.

[27] Sabereis que estou no meio de Israel e que eu sou o SENHOR, vosso Deus, e não há outro; e o meu povo jamais será envergonhado.

Promessa do derramamento do Espírito

[28] E acontecerá, depois, que derramarei o meu Espírito sobre toda a carne; vossos filhos e vossas filhas profetizarão, vossos velhos sonharão, e vossos jovens terão visões;

[29] até sobre os servos e sobre as servas derramarei o meu Espírito naqueles dias.

[30] Mostrarei prodígios no céu e na terra: sangue, fogo e colunas de fumaça.

[31] O sol se converterá em trevas, e a lua, em sangue, antes que venha o grande e terrível Dia do SENHOR.

[32] E acontecerá que todo aquele que invocar o nome do SENHOR será salvo; porque, no monte Sião e em Jerusalém,

[25]Tabharfaidh mé daoibh a dhá oiread den mhéid a d'ith an lócaiste agus an preabaire agus an scriostóir agus an gearrthóir, m'arm mór a chuir mé in bhur n-aghaidh.

[26]“Íosfaidh sibh bhur ndóthain agus beidh sibh sách. Molfaidh sibh ainm an Tiarna, bhur nDia, a chaith chomh fial sin libh (agus ní náireofar mo phobal arís go deo).

[27]Beidh a fhios agaibh go bhfuilimse i lár Iosrael. Is mise an Tiarna, bhur nDia, agus níl aon Dia eile ann ach mé. Ní náireofar mo phobalsa arís go deo.

Ióéil 3

Gealltanais
Doirtfear amach an Spiorad

[1] “Agus ina dhiaidh sin doirtfidh mé mo spiorad amach ar chách agus déanfaidh bhur gclann mhac agus bhur n-iníonacha tairngreacht; beidh taibhrimh ag bhur seanóirí agus feicfidh bhur bhfir óga aislingí.

[2] An uair sin doirtfidh mé mo spiorad fiú amháin ar bhur sclábhaithe, idir fhir agus mhná.

[3] Taispeánfaidh mé iontais sa spéir agus ar an talamh, fuil agus tine agus colúin deataigh.

[4] “Dorchóidh an ghrian agus beidh an ghealach chomh dearg le fuil nuair a thiocfaidh lá mór scéiniúil an Tiarna.

[5] Agus cibé duine a ghlaofaidh ar ainm an Tiarna slánófar é. Óir fágfar fuíoll éigin slán ar Shliabh Shíón, faoi mar a dúirt an

estarão os que forem salvos, como o SENHOR prometeu; e, entre os sobreviventes, aqueles que o SENHOR chamar.

Tiarna agus in Iarúsailéim beidh iarmhar áirithe ann a nglaofaidh an Tiarna orthu.

Joel 3

Os juízos de Deus sobre as nações inimigas

1 Eis que, naqueles dias e naquele tempo, em que mudarei a sorte de Judá e de Jerusalém,

2 congregarei todas as nações e as farei descer ao vale de Josafá; e ali entrarei em juízo contra elas por causa do meu povo e da minha herança, Israel, a quem elas espalharam por entre os povos, repartindo a minha terra entre si.

3 Lançaram sortes sobre o meu povo, e deram meninos por meretrizes, e venderam meninas por vinho, que beberam.

4 Que tendes vós comigo, Tiro, e Sidom, e todas as regiões da Filístia? É isso vingança que quereis contra mim? Se assim me quereis vingar, farei, sem demora, cair sobre a vossa cabeça a vossa vingança.

5 Visto que levastes a minha prata e o meu ouro, e as minhas jóias preciosas metestes nos vossos templos,

6 e vendestes os filhos de Judá e os filhos de Jerusalém aos filhos dos gregos, para os apartar para longe dos seus limites,

7 eis que eu os suscitarei do lugar para onde os vendestes e farei cair a vossa vingança sobre a vossa própria cabeça.

Ióéil 4

Tabharfar Breith ar na Náisiúin

1“Féach, sna laethanta sin agus ag an am sin a rathóidh mé Iúdá agus Iarúsailéim arís

2cruinneoidh mé na náisiúin uile le chéile agus seolfaidh mé síos iad go dtí Gleann Iahóiseáfát chun breith a thabhairt orthu ansin mar gheall ar mo phobal agus m'oidhreacht Iosrael; mar scaip siad i measc na náisiún iad agus roinn siad mo thír eatarthu féin.

3Chaith siad crainn ar mo phobal agus thug siad garsún ar láimh mar mhalairt ar striapach agus dhíol siad cailín ar fhíon agus d'ól siad é.

4Cad ab áil libh uaimse, a Thuír agus a Shíodón agus a dhúichí na bhFilistíneach? An amhlaidh is mian libh díoltas a imirt orm? Má imríonn sibh díoltas orm casfaidh mé bhur bhfeillbheart ar bhur gceann féin go tiubh te.

5Sibhse a thóg mo chuid airgid agus óir agus a d'iompair isteach in bhur dteampall féin mo chuid earraí sárluachmhara!

6Sibhse a dhíol clann mhac Iúdá agus Iarúsailéim leis na Iávánaigh agus a sheol i bhfad óna dtír dhúchais féin iad!

7Féach! Gríosfaidh mé iad chun teacht ón áit ina bhfuil siad díolta agaibh agus

casfaidh mé bhur bhfeillbheart ar bhur gceann féin

[8] Venderei vossos filhos e vossas filhas aos filhos de Judá, e estes, aos sabeus, a uma nação remota, porque o SENHOR o disse.

[8]Díolfaidh mé bhur gclann mhac agus bhur n-iníonacha le muintir Iúdá agus díolfaidh siadsan iad leis na Sabaeigh, náisiún atá i bhfad ar shiúl uathu. Is é an Tiarna féin a dúirt é.

[9] Proclamai isto entre as nações: Apregoai guerra santa e suscitai os valentes; cheguem-se, subam todos os homens de guerra.

[9]Fógraígí é seo i measc na náisiún! Ullmhaígí don chogadh! Gríosaígí na laochra! Tagadh na saighdiúirí go léir i láthair agus gluaisidís leo!

[10] Forjai espadas das vossas relhas de arado e lanças, das vossas podadeiras; diga o fraco: Eu sou forte.

[10]Déanaigí claimhte de bhur gcuid soc agus sleánna de bhur gcorráin bhainte. Abradh an lag: 'Is laoch mé.'

[11] Apressai-vos, e vinde, todos os povos em redor, e congregai-vos; para ali, ó SENHOR, faze descer os teus valentes.

[11]Tagaigí go tapa, a náisiúna uile na comharsanachta! Bailígí le chéile ansin! (A Thiarna, cuirse do laochra féin chugainn anuas.)

[12] Levantem-se as nações e sigam para o vale de Josafá; porque ali me assentarei para julgar todas as nações em redor.

[12]"Corraíodh na náisiúin iad féin agus tagadh siad go dtí Gleann Iahóiseáfát mar is ansin a shuífidh mé chun breith a thabhairt ar náisiúin uile na comharsanachta.

[13] Lançai a foice, porque está madura a seara; vinde, pisai, porque o lagar está cheio, os seus compartimentos transbordam, porquanto a sua malícia é grande.

[13]Tá an fómhar aibí cuirigí an corrán ag obair air mar sin. Tagaigí, satlaígí tá an chantaoir lán agus na dabhcha ag cur thar maoil. Is mór í a mallaitheacht go deimhin."

[14] Multidões, multidões no vale da Decisão! Porque o Dia do SENHOR está perto, no vale da Decisão.

[14]Tá na sluaite tiubha bailithe le chéile i nGleann an Bhreithiúnais. Óir, tá lá an Tiarna in achmaireacht i nGleann an Bhreithiúnais.

Lá an Tiarna

[15] O sol e a lua se escurecem, e as estrelas retiram o seu resplendor.

[15]Tá an ghrian agus an ghealach ag dorchú agus na réaltaí ag cailleadh a ngile.

[16] O SENHOR brama de Sião e se fará ouvir de Jerusalém, e os céus e a terra tremerão; mas o SENHOR será o refúgio do seu povo e a fortaleza dos filhos de Israel.

[17] Sabereis, assim, que eu sou o SENHOR, vosso Deus, que habito em Sião, meu santo monte; e Jerusalém será santa; estranhos não passarão mais por ela.

A restauração de Israel

[18] E há de ser que, naquele dia, os montes destilarão mosto, e os outeiros manarão leite, e todos os rios de Judá estarão cheios de águas; sairá uma fonte da Casa do SENHOR e regará o vale de Sitim.

[19] O Egito se tornará uma desolação, e Edom se fará um deserto abandonado, por causa da violência que fizeram aos filhos de Judá, em cuja terra derramaram sangue inocente.

[20] Judá, porém, será habitada para sempre, e Jerusalém, de geração em geração.

[21] Eu expiarei o sangue dos que não foram expiados, porque o SENHOR habitará em Sião.

[16]Tá an Tiarna ag búiríl ó Shíón agus cloistear a ghlór ó Iarúsailéim. Tá an spéir agus an talamh ar crith. Beidh an Tiarna ina dhídean dá phobal, beidh sé ina dhúnáras do chlann Iosrael.

[17]“Beidh a fhios agaibh gur mise an Tiarna, bhur nDia, a chónaíonn ar Shíón, mo shliabh naofa. Beidh Iarúsailéim ina háit naofa agus ní ghluaisfidh aon eachtrannach tríthi níos mó.”

An Ghlóir atá i nDán d'Iosrael

[18]An lá sin silfidh na sléibhte fíon nua; beidh leamhnacht ina slaoda ar na cnoic agus uisce ag rith i gclaiseanna uile Iúdá. Bhrúchtfaidh tobar amach as teach an Tiarna agus uisceoidh sé Gleann Sitím.

[19]Beidh an Éigipt ina díthreabh agus Eadóm ina fhásach lom de dheasca na hainíde a d'imir siad ar chlann Iúdá nuair a dhoirt siad a gcuid fola neamhchiontaí ina dtír.

[20]Beidh daoine ina gcónaí in Iúdá agus in Iarúsailéim ó ghlúin go glúin go deo.

[21]“Bainfidh mé éiric a gcuid fola amach agus ní ligfidh mé aon duine díobh slán. Is ar Shíón a bheidh a áitreabh ag an Tiarna.”

Amós

Amós 1

Ameaças contra diversas nações

[1] Palavras que, em visão, vieram a Amós, que era entre os pastores de Tecoa, a respeito de Israel, nos dias de Uzias, rei de Judá, e nos dias de Jeroboão, filho de Joás, rei de Israel, dois anos antes do terremoto.

[2] Ele disse: O SENHOR rugirá de Sião e de Jerusalém fará ouvir a sua voz; os prados dos pastores estarão de luto, e secar-se-á o cimo do Carmelo.

[3] Assim diz o SENHOR: Por três transgressões de Damasco e por quatro, não sustarei o castigo, porque trilharam a Gileade com trilhos de ferro.

[4] Por isso, meterei fogo à casa de Hazael, fogo que consumirá os castelos de Ben-Hadade.

[5] Quebrarei o ferrolho de Damasco e eliminarei o morador de Biqueate-Áven e ao que tem o cetro de Bete-Éden; e o povo da Síria será levado em cativeiro a Quir, diz o SENHOR.

[6] Assim diz o SENHOR: Por três transgressões de Gaza e por quatro, não sustarei o castigo, porque levaram em cativeiro todo o povo, para o entregarem a Edom.

[7] Por isso, meterei fogo aos muros de Gaza, fogo que consumirá os seus castelos.

Amós

Amós 1

Réamhrá

[1]Briathra Amós, aoire de chuid Theacóá. Fís a bhí aige faoi Iosrael i laethanta Uiziá, rí Iúdá, agus i laethanta Iarobám mac Ióáis, rí Iosrael, dhá bhliain roimh an gcrith talún.

[2]Agus dúirt sé: Tá an Tiarna ag búiríl ó Shíón, ag labhairt os ard ó Iarúsailéim. Tá féarach na n-aoirí ruadhóite, agus mullach Chairmeil ag feo.

Breithiúnas ar Iosrael agus a Chomharsana An Damaisc agus na Feorainn

[3]Mar seo a deir an Tiarna: In éiric thrí pheaca na Damaisce, in éiric a ceithre pheaca, ní rachaidh mé siar ar mo dhaorbhreith. De bhrí gur lasc siad Gileád le súiste iarainn,

[4]teilgfidh mé tine síos ar theach Hazáéil, a dhófaidh caisleáin Bhein Hadad;

[5]brisfidh mé barraí gheata na Damaisce agus dítheoidh mé áitritheoirí Ghleann Áivin agus rialtóir Bhéit Eidin; agus rachaidh muintir na Síre ar deoraíocht go Cír, a deir an Tiarna.

[3]D'éirigh Ióna ach bhí sé meáite ar theitheadh go Tairsís ó láthair an Tiarna. Chuaigh sé síos go Iopa, mar sin, agus fuair sé long ann a bhí ar tí dul go Tairsís; d'íoc sé an táille agus chuaigh sé ar bord chun taisteal go Tairsís i gcuideachta na foirne ó láthair an Tiarna.

[4]Ach scaoil an Tiarna gaoth láidir amach thar an bhfarraige agus d'éirigh stoirm chomh mór sin gur dhóbair don long titim as a chéile.

[5]Tháinig scanradh a n-anama ar an bhfoireann agus d'impigh gach duine díobh os ard ar a dhia féin cabhrú leo; agus, chun an long a éadromú dóibh féin, theilg siad amach san fharraige a raibh ar bord. Idir an dá linn, áfach, bhí Ióna tar éis dul síos i mbroinn na loinge agus bhí sé ina luí ansin agus é ina shámhchodladh.

[6]Tháinig an captaen chuige agus lig sé béic air: "Hóigh! An i do chodladh atá tú! Éirigh aniar agus glaoigh ar do dhia! B'fhéidir go gcuimhneoidh an dia seo agatsa orainne agus nach gcaillfear sinn."

[7]Dúirt foireann na loinge le chéile ansin: "Téanaigí; caithimis crainn chun a fháil

causa de quem nos sobreveio este mal. E lançaram sortes, e a sorte caiu sobre Jonas.

amach cé air a chuirfimid milleán na tubaiste seo atá tar éis teacht orainn." Mar sin de, chaith siad crainn agus thit an crann ar Ióna.

8 Então, lhe disseram: Declara-nos, agora, por causa de quem nos sobreveio este mal. Que ocupação é a tua? Donde vens? Qual a tua terra? E de que povo és tu?

8Dúirt siad leis ansin: "Inis dúinn cé is ciontach leis an mí-ádh seo a theacht orainn. Cad é an fuadar atá fútsa? Cad as duit? Céard í do thír dhúchais? Cér díobh thú?"

9 Ele lhes respondeu: Sou hebreu e temo ao SENHOR, o Deus do céu, que fez o mar e a terra.

9"Eabhrach is ea mé," an freagra a thug sé orthu, "agus is é an Tiarna, rí na bhflaitheas, an té a rinne an fharraige agus an talamh tirim, a adhraim."

10 Então, os homens ficaram possuídos de grande temor e lhe disseram: Que é isto que fizeste! Pois sabiam os homens que ele fugia da presença do SENHOR, porque lho havia declarado.

10Bhuail eagla a gcraicinn an fhoireann ansin agus dúirt siad leis: "Céard é seo atá déanta agat?" Bhí a fhios acu, dar ndóigh, ón scéal a d'inis sé dóibh, go raibh sé ar a theitheadh ó láthair an Tiarna.

11 Disseram-lhe: Que te faremos, para que o mar se nos acalme? Porque o mar se ia tornando cada vez mais tempestuoso.

11"Cad a dhéanfaimid leat," d'fhiafraigh siad de ansin, "chun go suaimhneodh an fharraige dúinn?" Is amhlaidh a bhí an fharraige ag éirí níos stoirmiúla i gcónaí.

12 Respondeu-lhes: Tomai-me e lançai-me ao mar, e o mar se aquietará, porque eu sei que, por minha causa, vos sobreveio esta grande tempestade.

12"Tógaigí suas mé," ar seisean leo, "agus caithigí isteach san fharraige mé agus suaimhneoidh sí daoibh ansin. Óir is maith atá a fhios agam gur mise faoi deara an stoirm mhór seo a theacht oraibh."

13 Entretanto, os homens remavam, esforçando-se por alcançar a terra, mas não podiam, porquanto o mar se ia tornando cada vez mais tempestuoso contra eles.

13Mar sin féin lean na mairnéalaigh leo ag rámhaíocht go tréan le súil go bhféadfaidís an long a thabhairt ar ais go dtí an mhórthír ach ba shaothar in aisce acu é, mar bhí an fharraige ag éirí níos stoirmiúla fós ina n-aghaidh.

14 Então, clamaram ao SENHOR e disseram: Ah! SENHOR! Rogamos-te que

14Mar sin de, d'agair siad an Tiarna agus ghlaoigh siad amach os ard: "Ná cailltear

não pereçamos por causa da vida deste homem, e não faças cair sobre nós este sangue, quanto a nós, inocente; porque tu, SENHOR, fizeste como te aprouve.

sinne, a Thiarna, toisc sinn a bheith páirteach i gcinniúint an fhir seo; ná cuir inár leith gur dhúnmharaíomar duine neamhchiontach; óir, is de réir mar a thogair tú féin amháin, a Thiarna, atá na cúrsaí seo mar atá siad."

15 E levantaram a Jonas e o lançaram ao mar; e cessou o mar da sua fúria.

15Ansin thóg siad Ióna suas agus chaith siad isteach san fharraige é. Ar an toirt suaimhníodh fraoch na farraige.

16 Temeram, pois, estes homens em extremo ao SENHOR; e ofereceram sacrifícios ao SENHOR e fizeram votos.

16Dá thoradh sin tháinig eagla nár bheag ar an bhfoireann roimh an Tiarna; d'ofráil siad íobairt dó agus thug móideanna.

Ióna 2

1 Ansin shocraigh an Tiarna go ndéanfadh iasc mór Ióna a shlogadh siar ina chraos agus chaith Ióna trí lá agus trí oíche i mbolg an éisc.

17 Deparou o SENHOR um grande peixe, para que tragasse a Jonas; e esteve Jonas três dias e três noites no ventre do peixe.

Jonas 2

A oração de Jonas no ventre do peixe

1 Então, Jonas, do ventre do peixe, orou ao SENHOR, seu Deus,

2 Ghuigh Ióna as bolg an éisc chun an Tiarna, a Dhia, mar a leanas:

Salm Buíochais

2 e disse: Na minha angústia, clamei ao SENHOR, e ele me respondeu; do ventre do abismo, gritei, e tu me ouviste a voz.

3 "Nuair a bhí mé i gcruachás, scread mé ar an Tiarna, agus thug sé cluas do mo ghuí; ó bhroinn an Bháis ghlaoigh mé ort agus d'éist tú le mo ghuth.

3 Pois me lançaste no profundo, no coração dos mares, e a corrente das águas me cercou; todas as tuas ondas e as tuas vagas passaram por cima de mim.

4 Theilg tú mé síos san aibhéis, i ndoimhneacht na farraige, mar ar thimpeallaigh an díle mé, agus mar a raibh do thonnta agus do shaoistí uile ag madhmadh tharam.

4 Então, eu disse: lançado estou de diante dos teus olhos; tornarei, porventura, a ver o teu santo templo?

5 Dúirt mé liom féin, mar sin: 'Tá mé díbeartha as do láthair. Conas a

5 As águas me cercaram até à alma, o abismo me rodeou; e as algas se enrolaram na minha cabeça.

6 Desci até aos fundamentos dos montes, desci até à terra, cujos ferrolhos se correram sobre mim, para sempre; contudo, fizeste subir da sepultura a minha vida, ó SENHOR, meu Deus!

7 Quando, dentro de mim, desfalecia a minha alma, eu me lembrei do SENHOR; e subiu a ti a minha oração, no teu santo templo.

8 Os que se entregam à idolatria vã abandonam aquele que lhes é misericordioso.

9 Mas, com a voz do agradecimento, eu te oferecerei sacrifício; o que votei pagarei. Ao SENHOR pertence a salvação!

10 Falou, pois, o SENHOR ao peixe, e este vomitou a Jonas na terra.

Jonas 3

Jonas prega em Nínive

1 Veio a palavra do SENHOR, segunda vez, a Jonas, dizendo:

2 Dispõe-te, vai à grande cidade de Nínive e proclama contra ela a mensagem que eu te digo.

3 Levantou-se, pois, Jonas e foi a Nínive, segundo a palavra do SENHOR. Ora,

gheobhaidh mé radharc arís ar do Theampall naofa? ’

6 Bhí na huiscí do mo chiorclú, agus mé i mbaol mo mhúchta; bhí an duibheagán ag brú isteach orm ó gach taobh agus chuaigh mo cheann in ascar san fheamainn.

7 Síos liom go fréamhacha na sléibhte; bhí barraí fhearann an Bháis á ndaingniú orm feasta choíche. Ach tharraing tusa aníos as an bPoll mé go beo beathach, a Thiarna, a Dhia liom!

8 Agus mé ag dul i laige le giorra anála, chuimhnigh mé ar an Tiarna agus tháinig m'achainí chugatsa, chomh fada le do Theampall naofa:

9 Go n-éirí lucht adhartha íol gan éifeacht as a mbaothdhílseacht dóibh.

10 I dtaca liomsa de, áfach ofrálfaidh mé íobairt duit mar aon le caintic bhuíochais; agus comhlíonfaidh mé na móideanna a thug mé. Is don Tiarna is dleacht an fhuascailt a dhéanamh.”

11 Ansin labhair an Tiarna leis an iasc agus ar an bpointe sceith sé Ióna aníos ar an talamh tirim.

Ióna 3

Géilleadh Ióna: Aithrí na Nínivéach

1Labhraíodh briathar an Tiarna le Ióna athuair:

2“Éirigh! Gread leat go dtí cathair mhór Nínivé agus fógair ina haghaidh an t-oracal a thabharfaidh mé duit.”

3D'éirigh Ióna ach an uair seo as go brách leis go Nínivé faoi mar a d'ordaigh an

Nínive era cidade mui importante diante de Deus e de três dias para percorrê-la.

Tiarna dó. Dar ndóigh, cathair as cuimse mór ba ea Nínivé; thógfadh sé trí lá ó dhuine í a thrasnú.

4 Começou Jonas a percorrer a cidade caminho de um dia, e pregava, e dizia: Ainda quarenta dias, e Nínive será subvertida.

4Isteach le Ióna sa chathair agus is ar éigean a bhí turas aon lae amháin siúlta aige agus an t-oracal seo á fhógairt aige: "I gceann daichead lá eile scriosfar Nínivé,"

O arrependimento dos ninivitas

5 Os ninivitas creram em Deus, e proclamaram um jejum, e vestiram-se de panos de saco, desde o maior até o menor.

5nuair a chreid muintir Nínivé i nDia. D'fhógair siad troscadh agus chuir siad go léir, idir uasal agus íseal sacéadach orthu féin.

6 Chegou esta notícia ao rei de Nínive; ele levantou-se do seu trono, tirou de si as vestes reais, cobriu-se de pano de saco e assentou-se sobre cinza.

6Nuair a chuala rí Nínivé an scéal, d'éirigh sé ina sheasamh óna ríchathaoir, bhain a fhallaing ríoga de, chuir sacéadach air féin agus shuigh síos sa luaithreach.

7 E fez-se proclamar e divulgar em Nínive: Por mandado do rei e seus grandes, nem homens, nem animais, nem bois, nem ovelhas provem coisa alguma, nem os levem ao pasto, nem bebam água;

7Ansin chuir sé an forógra práinneach seo á chraoladh ar fud Nínivé: "Forógra an rí agus a mhóruaisle: Ná blaiseadh duine ná ainmhí, táin ná tréad aon ní; ná hithidís bia, ná hólaidís uisce.

8 mas sejam cobertos de pano de saco, tanto os homens como os animais, e clamarão fortemente a Deus; e se converterão, cada um do seu mau caminho e da violência que há nas suas mãos.

8Cuireadh idir dhaoine agus ainmhithe sacéadach orthu féin agus glaoidís os ard ar Dhia. Tréigeadh cách a ndrochiompar agus cuiridís díobh an lámh láidir.

9 Quem sabe se voltará Deus, e se arrependerá, e se apartará do furor da sua ira, de sorte que não pereçamos?

9Cá bhfios ná go ndéanfadh Dia athchomhairle agus go dtiocfadh aithreachas air agus go n-imeodh an fhearg de agus nach gcaillfí sinne?"

10 Viu Deus o que fizeram, como se converteram do seu mau caminho; e Deus se arrependeu do mal que tinha dito lhes faria e não o fez.

10Chonaic Dia cad a rinne siad agus conas mar a thréig siad a ndrochiompar. Mar sin de, tháinig aithreachas air i dtaobh na tubaiste a bhí sé tar éis a bhagairt orthu agus níor chuir sé i gcrích í.

Jonas 4

O descontentamento de Jonas

[1] Com isso, desgostou-se Jonas extremamente e ficou irado.

[2] E orou ao SENHOR e disse: Ah! SENHOR! Não foi isso o que eu disse, estando ainda na minha terra? Por isso, me adiantei, fugindo para Társis, pois sabia que és Deus clemente, e misericordioso, e tardio em irar-se, e grande em benignidade, e que te arrependes do mal.

[3] Peço-te, pois, ó SENHOR, tira-me a vida, porque melhor me é morrer do que viver.

[4] E disse o SENHOR: É razoável essa tua ira?

[5] Então, Jonas saiu da cidade, e assentou-se ao oriente da mesma, e ali fez uma enramada, e repousou debaixo dela, à sombra, até ver o que aconteceria à cidade.

A lição do Senhor

[6] Então, fez o SENHOR Deus nascer uma planta, que subiu por cima de Jonas, para que fizesse sombra sobre a sua cabeça, a fim de o livrar do seu desconforto. Jonas, pois, se alegrou em extremo por causa da planta.

[7] Mas Deus, no dia seguinte, ao subir da alva, enviou um verme, o qual feriu a planta, e esta se secou.

Ióna 4

Cantal Incháinte Ióna: Iltrócaire Dé

[1]Bhí Ióna an-mhíshásta leis seo agus tháinig fearg air.

[2]Ghuigh sé chun an Tiarna mar a leanas: “Och ochón, a Thiarna! Nach é sin go díreach an rud a dúirt mé a tharlódh, nuair a bhí mé i mo dhúiche féin? Sin é an fáth ar theith mé faoi dheifir go Tairsís de chéaduair. Ba mhaith ab eol dom gur Dia truachroíoch agus trócaireach thú, mall chun feirge agus lán de bhuanghrá agus gurb aithreachas duit an t-olc.

[3]Mar sin de, a Thiarna, achainím ort anois m'anam a bhreith uaim; óir, is fearr dom mo bhás ná mo bheatha.”

[4]“An ceart duit, dáiríre, bheith chomh feargach sin?” arsa an Tiarna leis.

[5]D'imigh Ióna leis agus chuir sé faoi ar an taobh thoir den chathair. Thóg sé botháinín dó féin ann agus shuigh sé síos faoina scáth; d'fhan sé ansin chun go bhfeicfeadh sé cad a tharlódh sa chathair.

[6]Ansin shocraigh an Tiarna Dia go bhfásfadh planda suas os cionn Ióna chun fothain a thabhairt dó i dtreo go bhfaigheadh sé faoiseamh éigin óna anró. Ábhar mór áthais do Ióna ba ea an planda seo.

[7]Ach an lá dár gcionn, le breacadh an lae, shocraigh Dia go ndéanfadh péist éigin ruathar ar an bplanda agus go bhfeofadh sé.

[8] Em nascendo o sol, Deus mandou um vento calmoso oriental; o sol bateu na cabeça de Jonas, de maneira que desfalecia, pelo que pediu para si a morte, dizendo: Melhor me é morrer do que viver!

[9] Então, perguntou Deus a Jonas: É razoável essa tua ira por causa da planta? Ele respondeu: É razoável a minha ira até à morte.

[10] Tornou o SENHOR: Tens compaixão da planta que te não custou trabalho, a qual não fizeste crescer, que numa noite nasceu e numa noite pereceu;

[11] e não hei de eu ter compaixão da grande cidade de Nínive, em que há mais de cento e vinte mil pessoas, que não sabem discernir entre a mão direita e a mão esquerda, e também muitos animais?

[8]Nuair a d'éirigh an ghrian, shocraigh Dia go n-éireodh gaoth loiscneach anoir; rud eile, bhí an ghrian ag doirteadh anuas ar chloigeann Ióna sa chaoi gur tháinig laige air agus gur ghuigh sé go bhfaigheadh sé bás, á rá: “Is fearr dom mo bhás ná mo bheatha.”

[9]Dúirt Dia leis ansin: “An ceart duit, dáiríre, bheith chomh feargach sin mar gheall ar an bplanda?” “Is ceart go deimhin,” d'fhreagair Ióna, “is ea agus chomh feargach sin le bás a fháil dá bharr.”

[10]Dúirt an Tiarna: “Is trua leatsa an planda seo cé nár chuir tú aon dua ort féin leis agus nach tusa a chuir ag fás é; phéac sé aníos ó fhréamh san aon oíche amháin agus d'fheoigh sé an oíche chéanna.

[11]Agus nach ceart trua a bheith agamsa do Nínivé, an chathair mhór sin, ina bhfuil breis agus céad is fiche míle duine nach eol dóibh conas rogha a dhéanamh idir an mhaith agus an t-olc gan trácht ar na beithígh gan áireamh atá inti?”

Miqueias	Míocá

Miqueias 1

Ameaças contra Israel e Judá

[1] Palavra do SENHOR que em visão veio a Miqueias, morastita, nos dias de Jotão, Acaz e Ezequias, reis de Judá, sobre Samaria e Jerusalém.

[2] Ouvi, todos os povos, prestai atenção, ó terra e tudo o que ela contém, e seja o SENHOR Deus testemunha contra vós outros, o SENHOR desde o seu santo templo.

[3] Porque eis que o SENHOR sai do seu lugar, e desce, e anda sobre os altos da terra.

[4] Os montes debaixo dele se derretem, e os vales se fendem; são como a cera diante do fogo, como as águas que se precipitam num abismo.

[5] Tudo isto por causa da transgressão de Jacó e dos pecados da casa de Israel. Qual é a transgressão de Jacó? Não é Samaria? E quais os altos de Judá? Não é Jerusalém?

[6] Por isso, farei de Samaria um montão de pedras do campo, uma terra de plantar vinhas; farei rebolar as suas pedras para o vale e descobrirei os seus fundamentos.

[7] Todas as suas imagens de escultura serão despedaçadas, e todos os salários de sua impureza serão queimados, e de todos os

Míocá 1

Teideal

[1]Briathar an Tiarna a labhraíodh le Míocá, an Móraisteach, in aimsir Iótám agus Áchaz agus Hiziciá, ríthe Iúdá, agus na físeanna a chonaic sé faoin tSamáir agus faoi Iarúsailéim.

Breith an Tiarna ar a Phobal
Daorbhreith ar an tSamáir

[2]Éistigí, a phobala uile; cloisigí, a dhomhain agus a bhfuil ann. Tá an Tiarna Dia le fianaise a thabhairt in bhur n-aghaidh nuair a bhuailfidh sé amach óna phálás naofa.

[3]Óir, féach, tá an Tiarna ag teacht amach as a áit chónaithe agus anuas agus ag céimniú ar arda na cruinne.

[4]Tá na sléibhte á leá agus na gleannta á reabadh faoina chosa mar chéir os comhair na tine nó mar uisce a dhoirtear le fána ghéar.

[5]De dheasca choir Iacóib is ea a tharlaíonn sé seo go léir de dheasca pheaca theaghlach Iosrael. Agus céard é coir Iacóib? Nach í an tSamáir í? Agus céard é peaca theaghlach Iúdá? Nach í Iarúsailéim í?

[6]Fothrach i lár páirce is ea a dhéanfaidh mé den tSamáir, áit a chuirfear faoi fhíniúna. Caithfidh mé clocha a foirgneamh síos sa ghleann nó go nochtfar an bhunsraith.

[7]Brisfear a dealbha uile; dófar a cuid ofrálacha go léir sa tine; déanfaidh mé smidiríní dá híola uile. Óir is le tuarastal

seus ídolos eu farei uma ruína, porque do preço da prostituição os ajuntou, e a este preço volverão.

8 Por isso, lamento e uivo; ando despojado e nu; faço lamentações como de chacais e pranto como de avestruzes.

9 Porque as suas feridas são incuráveis; o mal chegou até Judá; estendeu-se até à porta do meu povo, até Jerusalém.

10 Não o anuncieis em Gate, nem choreis; revolvei-vos no pó, em Bete-Leafra.

11 Passa, ó moradora de Safir, em vergonhosa nudez; a moradora de Zaanã não pode sair; o pranto de Bete-Ezel tira de vós o vosso refúgio.

12 Pois a moradora de Marote suspira pelo bem, porque desceu do SENHOR o mal até à porta de Jerusalém.

13 Ata os corcéis ao carro, ó moradora de Laquis; foste o princípio do pecado para a filha de Sião, porque em ti se acharam as transgressões de Israel.

14 Portanto, darás presentes de despedida a Moresete-Gate; as casas de Aczibe serão para engano dos reis de Israel.

15 Enviar-te-ei ainda quem tomará posse de ti, ó moradora de Maressa; chegará até Adulão a glória de Israel.

16 Faze-te calva e tosquia-te, por causa dos filhos que eram as tuas delícias; alarga a

striapachais a cruinníodh iad agus déanfar tuarastal striapachais díobh arís.

Caoineadh

8Seo an fáth a ndéanfaidh mé ochlán agus olagón agus a rachaidh mé cosnochta lom agus a mbéicfidh mé ar nós na seacál agus a gcaoinfidh mé mar na hostraisí.

9Níl luibh ná leigheas in aghaidh [buille an Tiarna], óir d'aimsigh sé Iúdá agus bhain sé amach geata mo phobail agus tháinig sé fad le Iarúsailéim féin.

10Ná fógraígí é seo i nGat; ná siligí deora [i mBáca]; déanaigí sibh féin a iomlasc sa deannach i mBéit Afrá!

11Séidigí an stoc, a áitritheoirí Shaifír! Ní bhogann áitritheoirí Zánán amach as a mbaile. Tá Béit Eizéil faoi bhrón; tógfar uait gach taca.

12Conas is féidir le háitritheoirí Mhárót bheith ag súil lena slánú; mar tá an mí-ádh tar éis teacht anuas ón Tiarna fad le geataí Iarúsailéim féin.

13Cuirigí na capaill mheara faoi na carbaid, a áitritheoirí Láicís! (Is é seo an chéad pheaca a rinne iníon Shíón; óir bhí cionta Iosrael le fáil ionatsa.)

14Tá do dhiúltú tugtha duitse, a Mhóraisit Gat. Tá tithe Aiczíb tar éis iompú amach ina n-ábhar meallta do ríthe Iosrael.

15Uair amháin eile tiocfaidh an gabhálaí chugaibh, a áitritheoirí Mháraeiseá. Scriosfar Adulám go deo ar nós ghlóir Iosrael.

16Bearr thú féin agus lom do chuid gruaige mar gheall ar do chlann mhac ionúin.

tua calva como a águia, porque de ti serão levados para o cativeiro.

Déanaigí sibh féin chomh maol le badhbh; óir imeoidh siad uait ar deoraíocht.

Miqueias 2

Ai dos opressores gananciosos

[1] Ai daqueles que, no seu leito, imaginam a iniqüidade e maquinam o mal! À luz da alva, o praticam, porque o poder está em suas mãos.

[2] Se cobiçam campos, os arrebatam; se casas, as tomam; assim, fazem violência a um homem e à sua casa, a uma pessoa e à sua herança.

[3] Portanto, assim diz o SENHOR: Eis que projeto mal contra esta família, do qual não tirareis a vossa cerviz; e não andareis altivamente, porque o tempo será mau.

[4] Naquele dia, se criará contra vós outros um provérbio, se levantará pranto lastimoso e se dirá: Estamos inteiramente desolados! A porção do meu povo, Deus a troca! Como me despoja! Reparte os nossos campos aos rebeldes!

[5] Portanto, não terás, na congregação do SENHOR, quem, pela sorte, lançando o cordel, meça possessões.

Contra os falsos profetas

[6] Não babujeis, dizem eles. Não babujeis tais coisas, porque a desgraça não cairá sobre nós.

Míocá 2

Daortar Lucht an tSaibhris

[1]Mairg don mhuintir a bhíonn ag meabhrú urchóide agus ag beartú oilc ar a leaba. Le céadsolas na maidine siúd chun gníomhartha iad mar is acmhainn dóibh é.

[2]Santaíonn siad goirt agus gabhann siad iad; cuireann siad a ndúil i dtithe agus glacann siad seilbh orthu; déanann siad éagóir ar dhuine agus coigistíonn siad a theach; creachann siad duine eile agus baineann siad de a oidhreacht.

[3]Dá dheasca sin labhraíonn an Tiarna leo mar seo: Féach! In aghaidh na muintire seo táim ag meabhrú oilc nach dtarraingeoidh sibh bhur muineál saor uaidh; ní shiúlfaidh sibh ceann in airde feasta a dhonacht is a bheidh an uain.

[4]An lá sin cumfar aoir agus canfar caoineadh fúibh mar seo: “Táimid scriosta go hiomlán; tá fearann mo phobail á thomhas le dorú agus ní thabharfar ar ais dóibh é go deo; tá ár gcuid talún á roinnt amach.”

[5]Sin é an fáth nach mbeidh aon duine agaibh chun dorú a leagan daoibh ar ghabháltas ar bith i gcomhthionól an Tiarna.

Aighneas idir an Fáidh agus na Peacaigh

[6]“Ná déanaigíse praeitseáil” - sin é a bpraeitseáil siúd - “Ní ceart daoibh bheith ag rámhaillíocht mar seo; ní thógfar an náire chun siúil go deo.”

[7] Tais coisas anunciadas não alcançarão a casa de Jacó. Está irritado o Espírito do SENHOR? São estas as suas obras? Sim, as minhas palavras fazem o bem ao que anda retamente;

[8] mas, há pouco, se levantou o meu povo como inimigo; além da roupa, roubais a capa àqueles que passam seguros, sem pensar em guerra.

[9] Lançais fora as mulheres de meu povo do seu lar querido; dos filhinhos delas tirais a minha glória, para sempre.

[10] Levantai-vos e ide-vos embora, porque não é lugar aqui de descanso; ide-vos por causa da imundícia que destrói, sim, que destrói dolorosamente.

[11] Se houver alguém que, seguindo o vento da falsidade, mentindo, diga: Eu te profetizarei do vinho e da bebida forte, será este tal o profeta deste povo.

O Senhor congrega o restante de Israel

[12] Certamente, te ajuntarei todo, ó Jacó; certamente, congregarei o restante de Israel; pô-los-ei todos juntos, como ovelhas no aprisco, como rebanho no meio do seu pasto; farão grande ruído, por causa da multidão dos homens.

[13] Subirá diante deles o que abre caminho; eles romperão, entrarão pela porta e sairão por ela; e o seu Rei irá adiante deles; sim, o SENHOR, à sua frente.

[7]An amhlaidh atá alltacht ar theaghlach Iacóib? An bhfuil briste ar an bhfoighne ag an Tiarna? An é sin an rud is nós leis a dhéanamh? Nach dea-chroíoch iad na briathra a labhraíonn sé lena phobal féin Iosrael?

[8]Mar sin féin, ní sibhse mo phobal; éiríonn sibh suas ina choinne mar naimhde; baineann sibh a fhallaing den duine síochánta agus déanann sibh cime cogaidh den taistealaí neamhamhrasach.

[9]Díbríonn sibh bantracht mo phobail amach as a dtithe breátha agus baineann sibh dá leanaí an gradam a bhronn mise orthu.

[10]"Éirígí! Amach libh! [a deir sibh leo]. Ní ionad sosa daoibhse é seo!" Agus éilíonn sibh bannaí míchuíosacha orthu ar rudaí suaracha.

[11]Fear a bheadh ag tóraíocht baoise agus bréag agus á rá go cealgach: "Geallaimse daoibh fíon agus flúirse dí" - sin é an sort duine a bheadh ina fháidh ag na daoine seo.

Athchruinniú Iosrael

[12]Go cinnte dearfa cruinneoidh mé Iacób go léir; baileoidh mé fuílleach Iosrael le chéile; déanfaidh mé aon bhuíon amháin díobh mar chaoirigh i loc nó mar thréad ar féarach sa chaoi go mbeidh na sluaite ann ag déanamh gleo.

[13]Ag gluaiseacht rompu amach beidh an té a dhéanfaidh bearna dóibh. Brisfidh siad an geata agus imeoidh siad amach tríd. Gabhfaidh an rí rompu; is é an Tiarna féin a bheidh mar cheannaire orthu.

Miqueias 3

Ameaças contra os chefes, os sacerdotes e os falsos profetas

[1] Disse eu: Ouvi, agora, vós, cabeças de Jacó, e vós, chefes da casa de Israel: Não é a vós outros que pertence saber o juízo?

[2] Os que aborreceis o bem e amais o mal; e deles arrancais a pele e a carne de cima dos seus ossos;

[3] que comeis a carne do meu povo, e lhes arrancais a pele, e lhes esmiuçais os ossos, e os repartis como para a panela e como carne no meio do caldeirão?

[4] Então, chamarão ao SENHOR, mas não os ouvirá; antes, esconderá deles a sua face, naquele tempo, visto que eles fizeram mal nas suas obras.

[5] Assim diz o SENHOR acerca dos profetas que fazem errar o meu povo e que clamam: Paz, quando têm o que mastigar, mas apregoam guerra santa contra aqueles que nada lhes metem na boca.

[6] Portanto, se vos fará noite sem visão, e tereis treva sem adivinhação; pôr-se-á o sol sobre os profetas, e sobre eles se enegrecerá o dia.

[7] Os videntes se envergonharão, e os adivinhadores se confundirão; sim, todos

Míocá 3

Daortar Urchóid na dTiarnaí

[1]Agus dúirt mé: Éistigí, a cheanna urra Iacóib, a thaoiseacha theaghlach Iosrael! Nach é bhur ndualgas é eolas a bheith agaibh ar céard is ceart?

[2]Sibhse, a bhfuil fuath agaibh don mhaith agus grá agaibh don olc, a stróiceann an craiceann de dhaoine agus a bhaineann an fheoil dá gcnámha,

[3]a alpann feoil mo phobail; is a bhaineann a gcraiceann díobh; a bhriseann a gcnámha agus a ghearrann ina bpíosaí iad mar fheoil i gcorcán nó mar chonablach i gcoire.

[4]Éifidh siad ar an Tiarna an uair sin ach ní thabharfaidh sé freagra orthu; folóidh sé a aghaidh orthu de bhrí go ndearna siad drochghníomhartha.

Daortar Saint na bhFáithe Mealltacha

[5]Is mar seo a labhraíonn an Tiarna i dtaobh na bhfáithe a chuireann mo phobal ar seachrán; fad a bhíonn rud éigin le cogaint acu fógraíonn siad síocháin ach fearann siad cogadh naofa ar an té nach gcuireann dada ina mbéal.

[6]Dá dheasca sin titfidh an oíche oraibh; ní bheidh a thuilleadh físeanna agaibh; clúdóidh an dorchadas sibh agus ní dhéanfaidh sibh fáistine feasta. Is ea, rachaidh an ghrian faoi ar na fáithe agus dorchóidh an lá orthu.

[7]Ansin beidh náire ar na físithe agus ceann faoi ar an lucht fáistine. Clúdóidh siad a

eles cobrirão o seu bigode, porque não há resposta de Deus.

[8] Eu, porém, estou cheio do poder do Espírito do SENHOR, cheio de juízo e de força, para declarar a Jacó a sua transgressão e a Israel, o seu pecado.

[9] Ouvi, agora, isto, vós, cabeças de Jacó, e vós, chefes da casa de Israel, que abominais o juízo, e perverteis tudo o que é direito,

[10] e edificais a Sião com sangue e a Jerusalém, com perversidade.

[11] Os seus cabeças dão as sentenças por suborno, os seus sacerdotes ensinam por interesse, e os seus profetas adivinham por dinheiro; e ainda se encostam ao SENHOR, dizendo: Não está o SENHOR no meio de nós? Nenhum mal nos sobrevirá.

[12] Portanto, por causa de vós, Sião será lavrada como um campo, e Jerusalém se tornará em montões de ruínas, e o monte do templo, numa colina coberta de mato.

mbéal mar ní thabharfaidh Dia freagra orthu níos mó.

[8]Ach i dtaca liomsa de táimse lán de chumhacht (agus de spiorad an Tiarna) agus de cheart agus de mhisneach chun a choir a thaispeáint do Iacób agus a pheaca a léiriú do Iosrael.

Léirscriosfar Síón de bharr na hUasaicme

[9]Éistigí leis seo, a cheanna urra Iacóib, a thaoiseacha theaghlach Iosrael, a bhfuil dearg-ghráin agaibh ar an gceart, a chuireann gach ní dá bhfuil cóir as a riocht,

[10]a thógann Síón le fuil agus Iarúsailéim le héigeart.

[11]De thoradh breabanna tugann a cinn urra breithiúnas; múineann a sagairt ar thuarastal agus déanann a fáithe fáistine ar airgead geal. Ach mar sin féin cuireann siad a muinín as an Tiarna agus deir siad: “Nach bhfuil an Tiarna inár measc? Ní thiocfaidh aon mhí-ádh orainn.”

[12]Dá dheasca sin déanfar gort treafa de Shíón agus fothrach de Iarúsailéim agus ardán crannach de Shliabh an Teampaill mar gheall oraibhse.

Miqueias 4

O anúncio do chamamento dos gentios
Isaías 2.1-4

[1] Mas, nos últimos dias, acontecerá que o monte da Casa do SENHOR será estabelecido no cimo dos montes e se elevará sobre os outeiros, e para ele afluirão os povos.

[2] Irão muitas nações e dirão: Vinde, e subamos ao monte do SENHOR e à casa do

Míocá 4

Glóir Iosrael Nua
Síón, Lár na Ríochta Nua

[1]Titfidh sé amach san am atá le teacht go mbeidh an sliabh a bhfuil teach an Tiarna air os cionn na sléibhte agus go dtógfar níos airde ná na cnoíc é. Tiocfaidh na ciníocha ina sruth go dtí é.

[2]Is iomaí pobal a rachaidh ann agus a déarfaidh: “Seo linn, téimis suas go sliabh

Deus de Jacó, para que nos ensine os seus caminhos, e andemos pelas suas veredas; porque de Sião procederá a lei, e a palavra do SENHOR, de Jerusalém.

3 Ele julgará entre muitos povos e corrigirá nações poderosas e longínquas; estes converterão as suas espadas em relhas de arados e suas lanças, em podadeiras; uma nação não levantará a espada contra outra nação, nem aprenderão mais a guerra.

4 Mas assentar-se-á cada um debaixo da sua videira e debaixo da sua figueira, e não haverá quem os espante, porque a boca do SENHOR dos Exércitos o disse.

5 Porque todos os povos andam, cada um em nome do seu deus; mas, quanto a nós, andaremos em o nome do SENHOR, nosso Deus, para todo o sempre.

6 Naquele dia, diz o SENHOR, congregarei os que coxeiam e recolherei os que foram expulsos e os que eu afligira.

7 Dos que coxeiam farei a parte restante e dos que foram arrojados para longe, uma poderosa nação; e o SENHOR reinará sobre eles no monte Sião, desde agora e para sempre.

8 A ti, ó torre do rebanho, monte da filha de Sião, a ti virá; sim, virá o primeiro domínio, o reino da filha de Jerusalém.

an Tiarna, go teach Dhia Iacóib, chun go múine sé dúinn a shlite agus go siúlaimis a bhealaí. Óir ó Shíón rachaidh an dlí amach, agus ó Iarúsailéim briathar an Tiarna."

3Beidh smacht aige ar na ciníocha agus déanfaidh sé réiteach idir an iomad pobal atá i bhfad i gcéin, agus buailfidh siad a gclaimhte amach ina socanna céachta agus a sleánna ina gcorráin. Ní thógfaidh na ciníocha an claíomh in aghaidh a chéile a thuilleadh, ná ní chleachtfaidh siad cogadh níos mó.

4Beidh an uile dhuine ina shuí faoina fhíniúin agus faoina chrann fígí agus ní chuirfidh aon fhear eagla orthu. Is é béal Tiarna na Slua a dúirt é.

5Óir gluaiseann gach uile cheann de na ciníocha ar aghaidh in ainm a dhé féin ach siúlfaimidne in ainm an Tiarna, ár nDia, go brách is choíche.

Athchruinniú an Tréada Scaipthe

6An lá sin - a deir an Tiarna, cruinneoidh mé na caoirigh bhacacha; baileoidh mé na cinn a ruaigeadh chun fáin agus na cinn ar thug mé drochíde dóibh.

7Beidh na bacaigh sin ina bhfuílleach agam agus déanfaidh mé náisiún láidir den mhuintir atá tuirseach traochta. Beidh an Tiarna féin ina rí orthu ar Shliabh Shíón as seo amach agus go deo.

8Agus tusa, a thúir an tréada, a chnocáin iníon Shíón, tiocfaidh chugat ar ais an tiarnas a bhí agat tráth agus ríúlacht iníon Iarúsailéim.

An Deoraíocht Shlánaitheach

[9] Agora, por que tamanho grito? Não há rei em ti? Pereceu o teu conselheiro? Apoderou-se de ti a dor como da que está para dar à luz?

[10] Sofre dores e esforça-te, ó filha de Sião, como a que está para dar à luz, porque, agora, sairás da cidade, e habitarás no campo, e virás até à Babilônia; ali, porém, serás libertada; ali, te remirá o SENHOR das mãos dos teus inimigos.

[11] Acham-se, agora, congregadas muitas nações contra ti, que dizem: Seja profanada, e vejam os nossos olhos o seu desejo sobre Sião.

[12] Mas não sabem os pensamentos do SENHOR, nem lhe entendem o plano que as ajuntou como feixes na eira.

[13] Levanta-te e debulha, ó filha de Sião, porque farei de ferro o teu chifre e de bronze, as tuas unhas; e esmiuçarás a muitos povos, e o seu ganho será dedicado ao SENHOR, e os seus bens, ao SENHOR de toda a terra.

Miqueias 5

[1] Agora, ajunta-te em tropas, ó filha de tropas; pôr-se-á sítio contra nós; ferirão com a vara a face do juiz de Israel.

O nascimento do Messias e o seu reinado

[9]Cén fáth a nglaonn tú amach chomh hard sin anois? Nach bhfuil aon rí agat? An amhlaidh a cailleadh do chomhairleoir sa chaoi gur ghabh arraingeacha thú mar bhean ina leaba luí seoil?

[10]Bí ag lúbarnaíl agus ag cneadach, a iníon Shíón, mar bhean ina leaba luí seoil. Óir beidh ort imeacht as an gcathair anois agus cur fút faoin tuath. Rachaidh tú go dtí an Bhablóin ach slánófar ann thú. Mar is ann a fhuasclóidh an Tiarna thú ó lámha do naimhde.

Satlóidh Síón ar a Naimhde

[11]Tá a lán náisiún ag cruinniú le chéile i d'aghaidh anois. Deir siad: “Go dtruaillítear í ionas go bhfeicfidh ár súile féin bascadh Shíón.

[12]Ach ní eol dóibh smaointe an Tiarna agus ní mó ná sin a thuigeann siad a rún; mar tá sé tar éis iad a bhailiú le chéile mar phunanna ar urlár buailte.

[13]Éirigh, a iníon Shíón, agus déan an bualadh. Tabharfaidh mé adharca iarainn agus crúba cré-umha duit chun go mbascfaidh tú mórán ciníocha agus go gcoisricfidh tú a gcreach don Tiarna agus a saibhreas do Thiarna an domhain go léir.

Gradam an Rí a Éireoidh as Beithil

[14] [Gearr thú féin anois, a iníon chogúil] táthar tar éis léigear a chur orainn agus breitheamh Iosrael a bhualadh sa leiceann le slat.

Míocá 5

[2] E tu, Belém-Efrata, pequena demais para figurar como grupo de milhares de Judá, de ti me sairá o que há de reinar em Israel, e cujas origens são desde os tempos antigos, desde os dias da eternidade.

[3] Portanto, o SENHOR os entregará até ao tempo em que a que está em dores tiver dado à luz; então, o restante de seus irmãos voltará aos filhos de Israel.

[4] Ele se manterá firme e apascentará o povo na força do SENHOR, na majestade do nome do SENHOR, seu Deus; e eles habitarão seguros, porque, agora, será ele engrandecido até aos confins da terra.

[5] Este será a nossa paz. Quando a Assíria vier à nossa terra e quando passar sobre os nossos palácios, levantaremos contra ela sete pastores e oito príncipes dentre os homens.

[6] Estes consumirão a terra da Assíria à espada e a terra de Ninrode, dentro de suas próprias portas. Assim, nos livrará da Assíria, quando esta vier à nossa terra e pisar os nossos limites.

[7] O restante de Jacó estará no meio de muitos povos, como orvalho do SENHOR, como chuvisco sobre a erva, que não espera pelo homem, nem depende dos filhos de homens.

[8] O restante de Jacó estará entre as nações, no meio de muitos povos, como um leão

[1] Ach tusa, a Bheithil Eafrátá bíodh gur beag thú i measc chlanna Iúdá is asatsa a thiocfaidh chugam an té a bheidh ina cheann urra ar Iosrael, an té a dtéann a shinsearacht na cianta siar go dtí an t-am fadó.

[2] Sin é an fáth a dtréigfidh Dia iad go dtí go mbéarfar mac di siúd, a bhfuil tinneas clainne uirthi, ansin fillfidh iarmhar a bhráithre ar chlann Iosrael.

[3] Seasfaidh sé go daingean agus beathóidh sé a thréad trí chumhacht an Tiarna agus le mórgacht ainm an Tiarna, a Dhia. Mairfidh siad go slán sábháilte mar leathnóidh a chumhacht amach ansin go críocha na cruinne.

[4] Beidh sé féin ina údar síochána; nuair a thiocfaidh an Asaír isteach inár dtír, nuair a chuirfidh siad cos laistigh dár gcríocha, músclóimid seachtar aoire agus ochtar taoiseach ina gcoinne.

[5] Smachtóidh siad tír na hAsaíre le claíomh agus dúiche Niomrod le treise lainne. Fuasclóidh sé sinn ón Asaír má thagann siad isteach inár dtír, fiú má chuireann siad cos laistigh dár gcríocha.

Cinniúint Fhuílleach Iacóib

[6] Agus beidh fuílleach Iacóib i measc a lán náisiún mar a bheadh an drúcht a thagann ón Tiarna nó mar bhraonta báistí ar an bhféar glas. Ní chuirfidh siad a muinín as aon fhear; ní bheidh siad ag tnúth le cabhair ó mhuintir an tsaoil seo.

[7] Beidh fuílleach Iacóib i measc a lán náisiún (i measc a lán pobal), mar leon i

entre os animais das selvas, como um leãozinho entre os rebanhos de ovelhas, o qual, se passar, as pisará e despedaçará, sem que haja quem as livre.

measc ainmhithe na foraoise nó mar liopard i measc tréada caorach. Nuair a théann sé thart gabhann sé de chosa ina chreach agus stróiceann sé as a chéile í agus ní sciobfar uaidh í go deo.

[9] A tua mão se exaltará sobre os teus adversários; e todos os teus inimigos serão eliminados.

[8] Ardóidh tú do lámha ín aghaidh d'eascairde agus díothófar do naimhde go léir.

[10] E sucederá, naquele dia, diz o SENHOR, que eu eliminarei do meio de ti os teus cavalos e destruirei os teus carros de guerra;

[11] destruirei as cidades da tua terra e deitarei abaixo todas as tuas fortalezas;

[12] eliminarei as feitiçarias das tuas mãos, e não terás adivinhadores;

[13] do meio de ti eliminarei as tuas imagens de escultura e as tuas colunas, e tu já não te inclinarás diante da obra das tuas mãos;

[14] eliminarei do meio de ti os teus postes-ídolos e destruirei as tuas cidades.

[15] Com ira e furor, tomarei vingança sobre as nações que não me obedeceram.

Díoltas an Tiarna

[9] An lá sin - a deir an Tiarna - dísceoidh mé na capaill atá agat agus scriosfaidh mé do chuid carbad.

[10] Scartálfaidh mé bailte do thíre agus leagfaidh mé do dhúnta uile.

[11] Bainfidh mé do chuid orthanna as do láimh agus ní bheidh aon draoi agat feasta.

[12] Millfidh mé na híola agus na liagáin atá agat agus ní dhéanfaidh tú sléachtadh níos mó do dhéantús do lámh féin.

[13] Stoithfidh mé do chuaillí naofa aníos as an talamh agus treascróidh mé do chuid íomhánna cloch.

[14] Le confadh feirge imreoidh mé díoltas ar na ciníocha nach ngéilleann dom.

Miqueias 6

Deus e seu povo em juízo

[1] Ouvi, agora, o que diz o SENHOR: Levanta-te, defende a tua causa perante os montes, e ouçam os outeiros a tua voz.

[2] Ouvi, montes, a controvérsia do SENHOR, e vós, duráveis fundamentos da terra, porque o SENHOR tem controvérsia

Míocá 6

An Chúis in Aghaidh Iosrael
Aighneas idir an Tiarna agus Iosrael

[1] Éistigí anois lena bhfuil le rá ag an Tiarna: Éirigh agus agair do chúis i bhfianaise na sléibhte; cloiseadh na cnoic do ghuth.

[2] Éistigí, a shléibhte, leis an gcúiseamh a dhéanann an Tiarna; tugaigí cluas, a bhunsraitheanna an domhain. Óir tá cúis

com o seu povo e com Israel entrará em juízo.

[3] Povo meu, que te tenho feito? E com que te enfadei? Responde-me!

[4] Pois te fiz sair da terra do Egito e da casa da servidão te remi; e enviei adiante de ti Moisés, Arão e Miriã.

[5] Povo meu, lembra-te, agora, do que maquinou Balaque, rei de Moabe, e do que lhe respondeu Balaão, filho de Beor, e do que aconteceu desde Sitim até Gilgal, para que conheças os atos de justiça do SENHOR.

[6] Com que me apresentarei ao SENHOR e me inclinarei ante o Deus excelso? Virei perante ele com holocaustos, com bezerros de um ano?

[7] Agradar-se-á o SENHOR de milhares de carneiros, de dez mil ribeiros de azeite? Darei o meu primogênito pela minha transgressão, o fruto do meu corpo, pelo pecado da minha alma?

[8] Ele te declarou, ó homem, o que é bom e que é o que o SENHOR pede de ti: que pratiques a justiça, e ames a misericórdia, e andes humildemente com o teu Deus.

A injustiça terá seu castigo

[9] A voz do SENHOR clama à cidade (e é verdadeira sabedoria temer-lhe o nome): Ouvi, ó tribos, aquele que a cita.

dlí ar bun ag an Tiarna in aghaidh a phobail agus tá sé ag aighneas le hIosrael.

[3]“A phobal liom, céard a rinne mé ort? Cén chaoi ar chuir mé tuirse ort? Tabhair freagra orm.

[4]Óir is mise a thug suas as críocha na hÉigipte thú; mise a d'fhuascail thú as teach na daoirse. Chuir mé Maois os do chionn agus Árón agus Miriám in éineacht leis.

[5]Cuimhnigh ansin ar a raibh beartaithe ag Bálác, rí Mhóáb, agus ar an bhfreagra a thug Balám mac Bheór air agus tú ag gluaiseacht ó Shitím go Gilgeál chun go dtuigfidh tú na gníomhartha slánaitheacha a rinne mé.”

[6]“Créad leis a dtiocfaidh mé os comhair an Tiarna nó a sléachtfaidh mé do Dhia neimhe? An dtiocfaidh mé os a chomhair le híobartaigh lándóite nó le laonna aon bhliana?

[7]Ar mhaith leis na mílte reithe nó deich míle de shruthanna ola? An ofrálfaidh mé dó an mac is sine liom mar chúiteamh i mo chionta, toradh mo choirp in éiric peacaí m'anama?”

[8]Míníodh duit, a dhuine, céard is maith agus céard a iarrann an Tiarna ort. Níl uaidh ach seo: an ceart a dhéanamh, buanghrá a chothú agus siúl go humhal i bhfochair do Dhé.

Daortar Éigeart agus Caimiléireacht

[9]Éist! Tá an Tiarna ag glaoch ar an gcathair (is den chríonnacht d'ainm a eaglú). Éistigí, a threibh agus a chomhairle na cathrach sin,

[10] Ainda há, na casa do ímpio, os tesouros da impiedade e o detestável efa minguado?

[11] Poderei eu inocentar balanças falsas e bolsas de pesos enganosos?

[12] Porque os ricos da cidade estão cheios de violência, e os seus habitantes falam mentiras, e a língua deles é enganosa na sua boca.

[13] Assim, também passarei eu a ferir-te e te deixarei desolada por causa dos teus pecados.

[14] Comerás e não te fartarás; a fome estará nas tuas entranhas; removerás os teus bens, mas não os livrarás; e aquilo que livrares, eu o entregarei à espada.

[15] Semearás; contudo, não segarás; pisarás a azeitona, porém não te ungirás com azeite; pisarás a vindima; no entanto, não lhe beberás o vinho,

[16] porque observaste os estatutos de Onri e todas as obras da casa de Acabe e andaste nos conselhos deles. Por isso, eu farei de ti uma desolação e dos habitantes da tua cidade, um alvo de vaias; assim, trareis sobre vós o opróbrio dos povos.

Miqueias 7

A corrupção moral de Israel

[1] Ai de mim! Porque estou como quando são colhidas as frutas do verão, como os

[10]An amhlaidh a chaithfidh mé an taisceadh éagórach agus an buiséal gann mallaithe a cheadú freisin?

[11]An amhlaidh a chaithfidh mé saorbhreith a thabhairt ar lucht na scálaí éagothroma agus an mhála de mheáchain mhealltacha?

[12]a bhfuil a lucht saibhris lán den fhoréigean agus a mbíonn a háitritheoirí ag insint bréag (is mealltach í an teanga atá ina mbéal acu).

[13]Ní amhlaidh go deimhin! Ach tosóidh mé ar thú a bhualadh agus ar scaoll a chur ionat de dheasca do pheacaí.

[14]Íosfaidh tú ach ní bheidh do dhóthain agat agus beidh sceimhle ocrais i do ghoile. Cuirfidh tú nithe i dtaisce ach ní shábhálfaidh tú dada agus fiú má éiríonn leat rud éigin a shábháil fágfaidh mise ag an gclaíomh é.

[15]Cuirfidh tú síol ach ní bhainfidh tú fómhar; satlóidh tú caora olóige ach ní ungfaidh tú thú féin leis an ola choíche; pasálfaidh tú caora fíniúna ach ní ólfaidh tú braon den fhíon.

[16]Choimeád tú reachtanna Omraí agus gnásanna uile theaghlach Acháb agus is í a gcomhairle siúd a lean tú. Dá dheasca sin déanfaidh mé fothrach díot agus beidh d'áitritheoirí ina gceap magaidh agus beidh orthu cur suas le maslaí na náisiún.

Míocá 7

Caoineadh an Fháidh

[1]Mo léan! Táimse mar a bheinn dá mbeadh na torthaí bailithe agus fómhar na

rabiscos da vindima: não há cacho de uvas para chupar, nem figos temporãos que a minha alma deseja.

2 Pereceu da terra o piedoso, e não há entre os homens um que seja reto; todos espreitam para derramarem sangue; cada um caça a seu irmão com rede.

3 As suas mãos estão sobre o mal e o fazem diligentemente; o príncipe exige condenação, o juiz aceita suborno, o grande fala dos maus desejos de sua alma, e, assim, todos eles juntamente urdem a trama.

4 O melhor deles é como um espinheiro; o mais reto é pior do que uma sebe de espinhos. É chegado o dia anunciado por tuas sentinelas, o dia do teu castigo; aí está a confusão deles.

5 Não creiais no amigo, nem confieis no companheiro. Guarda a porta de tua boca àquela que reclina sobre o teu peito.

6 Porque o filho despreza o pai, a filha se levanta contra a mãe, a nora, contra a sogra; os inimigos do homem são os da sua própria casa.

7 Eu, porém, olharei para o SENHOR e esperarei no Deus da minha salvação; o meu Deus me ouvirá.

O Senhor se compadece de Israel

8 Ó inimiga minha, não te alegres a meu respeito; ainda que eu tenha caído,

bhfíniúna thart; níl caor ar bith le hithe agus na fígí luatha a bhfuil dúil agam iontu níl ceann díobh ar fáil níos mó.

2Tá an dea-dhuine imithe ar ceal ón tír; níl aon fhear ionraic i measc an phobail; bíonn siad go léir in oirchill na fola agus téann gach duine díobh ar thóir a bhráthar.

3Tá a lámha oilte ar an olc a dhéanamh; bíonn síntiús éigin á lorg ag an ardfheidhmeannach agus is féidir an breitheamh a cheannach le breab agus labhraíonn an fear tiarnais de réir a mhéine féin. Mo chreach! Camann siad an dlí.

4Is cosúil le dris fhiáin an chuid is fearr acu; is cuma nó fál sceach na daoine is ionraice orthu. Ach tá lá [a] bhfiosraithe ag teacht agus is ansin is ea a bheidh mearbhall orthu.

5Ná cuirigí muinín as bhur gcomharsana; ná téigí ar iontaoibh bhur gcairde. Cosain doirse do bhéil ar do bhean chéile.

6Óir tugann an mac easonóir dá athair agus éiríonn an iníon suas in aghaidh a máthar agus an banchliamhain in aghaidh máthar a céile agus is lucht a theaghlaigh féin is naimhde do dhuine.

7Ach i dtaca liom féin de is ar an Tiarna a bhím ag brath; cuirim mo dhóchas i nDia mo Shlánaitheoir agus éistfidh mo Dhia liom.

Dóchas d'Ainneoin Dóláis

8Ná bíodh lúcháir ort, a namhaid liom, mar gheall ormsa; fiú má mhairim sa dorchadas is é an Tiarna féin mo sholas.

levantar-me-ei; se morar nas trevas, o SENHOR será a minha luz.

[9] Sofrerei a ira do SENHOR, porque pequei contra ele, até que julgue a minha causa e execute o meu direito; ele me tirará para a luz, e eu verei a sua justiça.

[10] A minha inimiga verá isso, e a ela cobrirá a vergonha, a ela que me diz: Onde está o SENHOR, teu Deus? Os meus olhos a contemplarão; agora, será pisada aos pés como a lama das ruas.

[11] No dia da reedificação dos teus muros, nesse dia, serão os teus limites removidos para mais longe.

[12] Nesse dia, virão a ti, desde a Assíria até às cidades do Egito, e do Egito até ao rio Eufrates, e do mar até ao mar, e da montanha até à montanha.

[13] Todavia, a terra será posta em desolação, por causa dos seus moradores, por causa do fruto das suas obras.

[14] Apascenta o teu povo com o teu bordão, o rebanho da tua herança, que mora a sós no bosque, no meio da terra fértil; apascentem-se em Basã e Gileade, como nos dias de outrora.

[15] Eu lhe mostrarei maravilhas, como nos dias da tua saída da terra do Egito.

[16] As nações verão isso e se envergonharão de todo o seu poder; porão a mão sobre a boca, e os seus ouvidos ficarão surdos.

[9]Caithfidh mé cur suas le fearg an Tiarna - mar pheacaigh mé ina choinne - go dtí go n-agraíonn sé mo chúis agus go seasann sé ceart dom. Treoróidh sé mé chun an tsolais agus feicfidh mé na gníomhartha slánaitheacha a dhéanann sé.

[10]Feicfidh mo namhaid é seo agus déanfar ceap magaidh den té a dúirt liomsa: “Cá bhfuil do Dhia?” Bainfidh mé lán na súl aisti; gabhfar de chosa inti anois mar lathach na sráideanna.

Ré Nua Rathúnais

[11]Tá an lá a n-atógfar do bhallaí ag teacht; an lá sin leathnófar do chríocha.

[12]An lá sin tiocfar chugat ón Asaír go dtí an Éigipt, ón Tuír go dtí an Abhainn, ó mhuir go muir agus ó shliabh go sliabh.

[13]Agus beidh an tír agus a háitritheoirí ina n-ábhar uafáis de dheasca a ndrochghníomhartha.

Guí an Phobail

[14]Seol do phobal chun féaraigh le do bhata, an tréad atá ina oidhreacht agat, a lonnaíonn ina aonar sa choill i lár na mbánta. Cuir ar féarach iad i mBáiseán agus i nGileád mar a mbídís san am fadó.

[15][Taispeáin dúinn] éachtaí mar a rinne tú agus tú ag imeacht as an Éigipt.

[16]Feicfidh na náisiúin iad agus beidh ceann faoi orthu dá mhéad a gcumhacht. Cuirfidh siad a lámha lena mbéal agus beidh bodhaire ina gcluasa.

[17] Lamberão o pó como serpentes; como répteis da terra, tremendo, sairão dos seus esconderijos e, tremendo, virão ao SENHOR, nosso Deus; e terão medo de ti.

[17]Lífidh siad an deannach ar nós nathracha nimhe, ar nós péisteanna na talún. Tiocfaidh siad amach as a ndúnta agus iad ar aon bharr creatha le heagla romhat, ár dTiarna Dia.

[18] Quem, ó Deus, é semelhante a ti, que perdoas a iniqüidade e te esqueces da transgressão do restante da tua herança? O SENHOR não retém a sua ira para sempre, porque tem prazer na misericórdia.

[18]Cén Dia atá cosúil leatsa? Óir tógann tú peacaí chun siúil agus maitheann tú a gcionta d'fhuílleach d'oidhreachta; ní buan í do chuid feirge agus is áil leat an buanghrá.

[19] Tornará a ter compaixão de nós; pisará aos pés as nossas iniqüidades e lançará todos os nossos pecados nas profundezas do mar.

[19]Déanfaidh tú trócaire orainn arís; gabhfaidh tú de chosa inár bpeacaí agus caithfidh tú ár gcionta go léir isteach i nduibheagán na farraige.

[20] Mostrarás a Jacó a fidelidade e a Abraão, a misericórdia, as quais juraste a nossos pais, desde os dias antigos.

[20]Léirigh do dhílseacht do Iacób agus do bhuanghrá d'Abrahám faoi mar a mhionnaigh tú dár sinsir riamh anall.

Naum	Nahúm

Naum 1

A ira e a misericórdia de Deus

1 Sentença contra Nínive. Livro da visão de Naum, o elcosita.

2 O SENHOR é Deus zeloso e vingador, o SENHOR é vingador e cheio de ira; o SENHOR toma vingança contra os seus adversários e reserva indignação para os seus inimigos.

3 O SENHOR é tardio em irar-se, mas grande em poder e jamais inocenta o culpado; o SENHOR tem o seu caminho na tormenta e na tempestade, e as nuvens são o pó dos seus pés.

4 Ele repreende o mar, e o faz secar, e míngua todos os rios; desfalecem Basã e o Carmelo, e a flor do Líbano se murcha.

5 Os montes tremem perante ele, e os outeiros se derretem; e a terra se levanta diante dele, sim, o mundo e todos os que nele habitam.

6 Quem pode suportar a sua indignação? E quem subsistirá diante do furor da sua ira? A sua cólera se derrama como fogo, e as rochas são por ele demolidas.

7 O SENHOR é bom, é fortaleza no dia da angústia e conhece os que nele se refugiam.

Nahúm 1

Teideal

1Oracal i dtaobh Nínivé. Leabhar fhís Nahúm, an tEalcóiseach.

Réamhrá
Fearg an Tiarna

2Dia éadmhar díoltasach is ea an Tiarna; tá an Tiarna díoltasach agus lán feirge; Is ar a eascairde a imríonn an Tiarna díoltas; is dá naimhde a choinníonn sé a chuid feirge i dtaisce.

3Cinnte tá an Tiarna mall chun feirge agus is mór í a chumhacht; Go deimhin ní fhágann sé an drochdhuine gan phionós. Déanann sé a bhealach trí iomghaoth agus stoirm; is iad na néalta an deannach a chuireann a chosa san aer.

4Tugann sé iomardú don fharraige agus cuireann sé i ndísc í; triomaíonn sé na haibhneacha go léir. Tá Báiseán agus Cairmeil ag meathlú agus fásra na Liobáine ag feo.

5Tá na sléibhte ar crith roimhe agus na cnoic á leá. Ina láthairsean scriostar an talamh agus an domhan, agus gach duine dá gcónaíonn ann,

6Cé a fhéadann seasamh in aghaidh a chuthaigh? Cé a fhéadann a theasaíocht a fhulaingt? Bladhmann a chuid feirge amach mar thine, agus scoiltear na carraigeacha os a chomhair.

7Is maith é an Tiarna; dún daingean is ea é lá na buartha.

[8] Mas, com inundação transbordante, acabará de uma vez com o lugar desta cidade; com trevas, perseguirá o SENHOR os seus inimigos.

[10] Por isso, os céus sobre vós retêm o seu orvalho, e a terra, os seus frutos.

[11] Fiz vir a seca sobre a terra e sobre os montes; sobre o cereal, sobre o vinho, sobre o azeite e sobre o que a terra produz, como também sobre os homens, sobre os animais e sobre todo trabalho das mãos.

O povo atende ao Senhor

[12] Então, Zorobabel, filho de Salatiel, e Josué, filho de Jozadaque, o sumo sacerdote, e todo o resto do povo atenderam à voz do SENHOR, seu Deus, e às palavras do profeta Ageu, as quais o SENHOR, seu Deus, o tinha mandado dizer; e o povo temeu diante do SENHOR.

[13] Então, Ageu, o enviado do SENHOR, falou ao povo, segundo a mensagem do SENHOR, dizendo: Eu sou convosco, diz o SENHOR.

[14] O SENHOR despertou o espírito de Zorobabel, filho de Salatiel, governador de Judá, e o espírito de Josué, filho de Jozadaque, o sumo sacerdote, e o espírito do resto de todo o povo; eles vieram e se

[8]In airde libh ar na cnoic! Beirigí adhmad libh ar ais! Atógaigí an Teampall! Bainfidh mé taitneamh as ansin agus taispeánfaidh mé mo ghlóir ann, a deir an Tiarna.

[9]Bhí sibh ag súil le mórán, ach is amhlaidh nach bhfuair sibh ach an beagán; nuair a thug sibh an fómhar isteach shéid mise air. Cén fáth sin, a deir Tiarna na Slua? De bhrí go bhfuil mo theachsa ina fhothrach fad a bhíonn gach uile dhuine agaibhse ag déanamh cúraim dá theach féin.

[10]Sin é an fáth a gcoinníonn na spéartha thuas an drúcht uaibh agus a gceileann an talamh a chuid torthaí oraibh.

[11]Táim tar éis triomach a ghlaoch anuas ar an talamh, ar na cnoic, ar an arbhar, ar an úrfhíon, ar an ola, ar thorthaí uile na talún, ar na daoine agus ar na beithígh agus ar a saothar go léir!”

[12]Ansin d'éist Zarubáibil, mac Sheailtíéil, agus an t-ardsagart Iósua, mac Iózádác, agus fuílleach uile an phobail le hachainí an Tiarna, a nDia, agus le briathra an fháidh Hagaí de bhrí gur chuir an Tiarna chucu é agus go raibh eagla ar an bpobal roimh an Tiarna.

[13]Ansin labhair Hagaí, teachtaire an Tiarna, leis an bpobal de réir ordú an Tiarna, á rá: “Táimse in bhur dteannta, a deir an Tiarna.”

[14]Agus mhúscail an Tiarna misneach Zarubáibil mhic Sheailtíéil, gobharnóir Iúdá, agus misneach an ardsagairt Iósua, mhic Iózádác, agus misneach fhuílleach an phobail sa chaoi gur tháinig siad agus gur

puseram ao trabalho na Casa do SENHOR dos Exércitos, seu Deus,

15 ao vigésimo quarto dia do sexto mês.

Ageu 2

A glória do segundo templo

1 No segundo ano do rei Dario, no sétimo mês, ao vigésimo primeiro do mês, veio a palavra do SENHOR por intermédio do profeta Ageu, dizendo:

2 Fala, agora, a Zorobabel, filho de Salatiel, governador de Judá, e a Josué, filho de Jozadaque, o sumo sacerdote, e ao resto do povo, dizendo:

3 Quem dentre vós, que tenha sobrevivido, contemplou esta casa na sua primeira glória? E como a vedes agora? Não é ela como nada aos vossos olhos?

4 Ora, pois, sê forte, Zorobabel, diz o SENHOR, e sê forte, Josué, filho de Jozadaque, o sumo sacerdote, e tu, todo o povo da terra, sê forte, diz o SENHOR, e trabalhai, porque eu sou convosco, diz o SENHOR dos Exércitos;

5 segundo a palavra da aliança que fiz convosco, quando saístes do Egito, o meu Espírito habita no meio de vós; não temais.

6 Pois assim diz o SENHOR dos Exércitos: Ainda uma vez, dentro em pouco, farei abalar o céu, a terra, o mar e a terra seca;

chuir siad chun oibre i dteach Thiarna na Slua, a nDia,

15ar an gceathrú lá is fiche den séú mí.

Glóir an Teampaill Nua

Sa dara bliain de réimeas Dháire rí,

Hag 2

1ar an aonú lá is fiche den seachtú mí, labhraíodh briathar an Tiarna trí bhíthin an fháidh Hagaí mar a leanas:

2“Labhair le Zarubáibil, mac Sheailtíéil, gobharnóir Iúdá, agus leis an ardsagart Iósua, mac Iózádác, agus le fuílleach uile an phobail mar seo:

3Cé atá fágtha in bhur measc a chonaic an Teampall seo faoina chéadghlóir? Agus conas a fhéachann sé daoibh anois? Nach neamhní ar fad é in bhur súile?

4Ach dá ainneoin sin uile bíodh misneach agat, a Zarubáibil, a deir an Tiarna, agus agatsa freisin, a Iósua, a mhic Iózádác, a ardsagairt, agus agaibhse, a mhuintir uile na tíre, a deir an Tiarna. I mbun na hoibre libh anois! Óir táimse in bhur dteannta, a deir Tiarna na Slua.

5Is ann fós don chonradh a rinne mé libh nuair a tháinig sibh amach as an Éigipt agus tá mo spiorad in bhur measc. Ná bíodh aon eagla oraibh! ’

6Óir is mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: ‘I gceann tamaillín bainfidh mé croitheadh aon uair amháin eile as na

spéartha agus as an domhan, as an bhfarraige agus as an talamh tirim.

[7] farei abalar todas as nações, e as coisas preciosas de todas as nações virão, e encherei de glória esta casa, diz o SENHOR dos Exércitos.

[7]Suaithfidh mé na ciníocha uile agus tiocfaidh stórtha na náisiún go léir isteach chugaibh agus líonfaidh mé an Teampall seo le glóir, a deir Tiarna na Slua!

[8] Minha é a prata, meu é o ouro, diz o SENHOR dos Exércitos.

[8]Is liomsa an t-airgead; is liomsa an t-ór. Is é Tiarna na Slua a deir é.

[9] A glória desta última casa será maior do que a da primeira, diz o SENHOR dos Exércitos; e, neste lugar, darei a paz, diz o SENHOR dos Exércitos.

[9]Sáróidh glóir nua an Teampaill seo an chéadghlóir a bhí aige, a deir Tiarna na Slua, agus is san áit seo a dháilfidh mé oraibh an tsíocháin, a deir Tiarna na Slua.' ”

Repreendida a infidelidade do povo

Séantar an Neamhghlan

[10] Ao vigésimo quarto dia do mês nono, no segundo ano de Dario, veio a palavra do SENHOR por intermédio do profeta Ageu, dizendo:

[10]Sa dara bliain de réimeas Dháire rí, ar an gceathrú lá is fiche den naoú mí labhraíodh briathar an Tiarna leis an bhfáidh Hagaí mar a leanas:

[11] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Pergunta, agora, aos sacerdotes a respeito da lei:

[11]“Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: 'Iarr ar na sagairt breith a thabhairt ar an gceist seo:

[12] Se alguém leva carne santa na orla de sua veste, e ela vier a tocar no pão, ou no cozinhado, ou no vinho, ou no azeite, ou em qualquer outro mantimento, ficará isto santificado? Responderam os sacerdotes: Não.

[12]Má bhíonn píosa feola coisricthe á iompar ag duine i bpóca aráin nó le hanraith nó le fíon nó le hola nó le bia ar bith, an mbíonn sé sin coisricthe freisin? ' ” “Ní bhíonn ná coisricthe,” d'fhreagair na sagairt.

[13] Então, perguntou Ageu: Se alguém que se tinha tornado impuro pelo contato com um corpo morto tocar nalguma destas coisas, ficará ela imunda? Responderam os sacerdotes: Ficará imunda.

[13]Dúirt Hagaí ansin: “Duine atá neamhghlan toisc gur bhain sé le marbhán, má bhaineann sé le haon cheann acu sin, an mbíonn sé sin neamhghlan?” “Bíonn go deimhin,” dúirt na sagairt, á fhreagairt.

[14] Então, prosseguiu Ageu: Assim é este povo, e assim esta nação perante mim, diz o SENHOR; assim é toda a obra das suas

[14]Mar fhreagra air sin dúirt Hagaí: “Is é an dála céanna ag an bpobal seo é agus is é an dála céanna ag an náisiún seo é i mo

mãos, e o que ali oferecem: tudo é imundo.

láthairse, a deir Tiarna na Slua, agus is é an dála céanna ag saothar uile a lámh é agus is neamhghlan freisin cibé ofrálacha a dhéanann siad anseo.

[15] Agora, pois, considerai tudo o que está acontecendo desde aquele dia. Antes de pordes pedra sobre pedra no templo do SENHOR,

[15]“Déanaigí machnamh anois ar a dtarlóidh ón lá seo amach. Sular cuireadh cloch ar mhuin cloiche i dTeampall an Tiarna cén bhail a bhí oraibhse?

[16] antes daquele tempo, alguém vinha a um monte de vinte medidas, e havia somente dez; vinha ao lagar para tirar cinqüenta, e havia somente vinte.

[16]Nuair a thagadh duine go dtí carn arbhair ar chóir fiche miosúr a bheith ann, ní bhíodh ann ach deich gcinn; nuair a thagadh sé go dtí cantaoir chun caoga dabhach a tharraingt aisti, ní bhíodh inti ach fiche ceann.

[17] Eu vos feri com queimaduras, e com ferrugem, e com saraiva, em toda a obra das vossas mãos; e não houve, entre vós, quem voltasse para mim, diz o SENHOR.

[17]Le smoladh, coincleach agus clochshneachta mhill mé sibhse agus saothar uile bhur lámh; ach níor fhill sibh orm, a deir an Tiarna.

[18] Considerai, eu vos rogo, desde este dia em diante, desde o vigésimo quarto dia do mês nono, desde o dia em que se fundou o templo do SENHOR, considerai nestas coisas.

[18]Déanaigí machnamh ar a dtarlóidh ón lá inniu amach (ón gceathrú lá is fiche den naoú mí, ón lá ar leagadh síos bunsraith Theampall an Tiarna), déanaigí machnamh

[19] Já não há semente no celeiro. Além disso, a videira, a figueira, a romeira e a oliveira não têm dado os seus frutos; mas, desde este dia, vos abençoarei.

[19]féachaint an gcaithfidh an síol fanacht sa scioból go fóill nó an amhlaidh nach dtabharfaidh an fhíniúin agus an crann fígí agus an phomagránait agus an ológ aon toradh uathu níos mó? Ón lá seo amach cuirfidh mé mo bheannacht oraibh.”

A promessa do Senhor a Zorobabel

[20] Veio a palavra do SENHOR segunda vez a Ageu, ao vigésimo quarto dia do mês, dizendo:

Toghadh Zarubáibil

[20]Labhraíodh briathar an Tiarna le Hagaí an athuair ar an gceathrú lá is fiche den mhí mar a leanas:

[21] Fala a Zorobabel, governador de Judá: Farei abalar o céu e a terra;

[22] derribarei o trono dos reinos e destruirei a força dos reinos das nações; destruirei o carro e os que andam nele; os cavalos e os seus cavaleiros cairão, um pela espada do outro.

[23] Naquele dia, diz o SENHOR dos Exércitos, tomar-te-ei, ó Zorobabel, filho de Salatiel, servo meu, diz o SENHOR, e te farei como um anel de selar, porque te escolhi, diz o SENHOR dos Exércitos.

[21]“Abair le Zarubáibil, gobharnóir Iúdá: ‘Bainfidh mé croitheadh as na spéartha agus as an domhan.

[22]Leagfaidh mé ar lár ríchathaoireacha ríochtaí agus scriosfaidh mé cumhacht na náisiún; leagfaidh mé na carbaid agus na carbadóirí; titfidh capaill agus marcaigh síos, gach ceann acu le claíomh a chomharsan.

[23]An lá sin, a deir Tiarna na Slua, glacfaidh mé thú, a Zarubáibil, a mhic Sheailtíéil, a sheirbhísigh liom, agus déanfaidh mé mar a bheadh fáinne séala díot. Óir is tusa atá tofa agam, a deir Tiarna na Slua.

Zacarias	Zacairia

Zacarias 1

Exortação ao arrependimento

[1] No oitavo mês do segundo ano de Dario, veio a palavra do SENHOR ao profeta Zacarias, filho de Baraquias, filho de Ido, dizendo:

[2] O SENHOR se irou em extremo contra vossos pais.

[3] Portanto, dize-lhes: Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Tornai-vos para mim, diz o SENHOR dos Exércitos, e eu me tornarei para vós outros, diz o SENHOR dos Exércitos.

[4] Não sejais como vossos pais, a quem clamavam os primeiros profetas, dizendo: Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Convertei-vos, agora, dos vossos maus caminhos e das vossas más obras; mas não ouviram, nem me atenderam, diz o SENHOR.

[5] Vossos pais, onde estão eles? E os profetas, acaso, vivem para sempre?

[6] Contudo, as minhas palavras e os meus estatutos, que eu prescrevi aos profetas, meus servos, não alcançaram a vossos pais? Sim, estes se arrependeram e disseram: Como o SENHOR dos Exércitos fez tenção de nos tratar, segundo os nossos caminhos e segundo as nossas obras, assim ele nos fez.

A primeira visão: os cavalos

[7] No vigésimo quarto dia do mês undécimo, que é o mês de sebate, no

Zacairia 1

An Chéad Chuid
Filligí ar an Tiarna

[1]San ochtú mí den dara bliain de réimeas Dháire labhraíodh briathar an Tiarna leis an bhfáidh Zacairia, mac Bharaicia, mhic Ideo, mar a leanas:

[2]“Bhí fearg mhór ar an Tiarna le bhur n-aithreacha.

[3]Dá bhrí sin abair leis an bpobal: ‘Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua. Filligí orm, a deir Tiarna na Slua, agus fillfidh mise oraibhse, a deir Tiarna na Slua.

[4]Ná bígí cosúil le bhur n-aithreacha ar thug na fáithe tosaigh foláireamh dóibh, á rá: Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: Filligí ó bhur ndrochbhealaí agus ó bhur ndrochghníomhartha. Ach níor éist siad liom ná níor thug siad aird ar bith orm, a deir an Tiarna.

[5]Cá bhfuil bhur n-aithreacha anois? Agus na fáithe, an bhfanann siadsan beo i gcónaí?

[6]Ach na rabhaidh agus na reachtanna ar chuir mé a gcúram ar mo sheirbhísigh, na fáithe, nár cuireadh i gcrích ar bhur n-aithreacha iad? Dá thoradh sin rinne siad aithrí agus dúirt siad: Thug Tiarna na Slua íde orainn de dheasca ár mbealaí agus ár ngníomhartha faoi mar a bhí beartaithe aige a dhéanamh.’ ”

Na hAingil agus na Capaill

[7]Ar an gceathrú lá is fiche den aonú mí déag, is é sin le rá, de mhí Shabát, den

segundo ano de Dario, veio a palavra do SENHOR ao profeta Zacarias, filho de Baraquias, filho de Ido.

[8] Tive de noite uma visão, e eis um homem montado num cavalo vermelho; estava parado entre as murteiras que havia num vale profundo; atrás dele se achavam cavalos vermelhos, baios e brancos.

[9] Então, perguntei: meu senhor, quem são estes? Respondeu-me o anjo que falava comigo: Eu te mostrarei quem são eles.

[10] Então, respondeu o homem que estava entre as murteiras e disse: São os que o SENHOR tem enviado para percorrerem a terra.

[11] Eles responderam ao anjo do SENHOR, que estava entre as murteiras, e disseram: Nós já percorremos a terra, e eis que toda a terra está, agora, repousada e tranqüila.

[12] Então, o anjo do SENHOR respondeu: Ó SENHOR dos Exércitos, até quando não terás compaixão de Jerusalém e das cidades de Judá, contra as quais estás indignado faz já setenta anos?

[13] Respondeu o SENHOR com palavras boas, palavras consoladoras, ao anjo que falava comigo.

[14] E este me disse: Clama: Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Com grande empenho, estou zelando por Jerusalém e por Sião.

dara bliain de réimeas Dháire, labhraíodh briathar an Tiarna le Zacairia, mac Bharaicia, mhic Ideo, mar a leanas:

[8]“Bhí fís agam san oíche. Is amhlaidh a chonaic mé fear ar mhuin capaill rua agus é ina sheasamh i measc na gcrann miortail a bhí sa ghleann. Taobh thiar de bhí capaill rua agus capaill dhonnrua agus capaill bhána.

[9]‘Cad iad seo, a dhuine uasail? ’ arsa mise.’Taispeánfaidh mé duit cad iad, ’ arsa an t-aingeal a bhí ag caint liom.

[10]Ansin chuir an fear a bhí ina sheasamh i measc na gcrann miortail isteach ar an gcomhrá agus dúirt: ‘Is iad seo an dream a chuir an Tiarna amach uaidh chun dul anonn agus anall tríd an domhan.’

[11]Thug siadsan an tuairisc seo d'aingeal an Tiarna a bhí ina sheasamh i measc na gcrann miortail, á rá: ‘Táimid tar éis cuairt an domhain a thabhairt agus tá an domhan go léir faoi shuaimhneas agus faoi shíocháin.’

[12]Dúirt aingeal an Tiarna ansin: ‘A Thiarna na Slua, cá fhad eile a bheidh tú gan trua a ghlacadh do Iarúsailéim agus do chathracha Iúdá, a bhfuil tú i bhfeirg leo le seachtó bliain anuas? ’

[13]D'fhreagair an Tiarna an t-aingeal a bhí ag caint liom le briathra cneasta sólásacha.

[14]Mar sin de dúirt an t-aingeal a bhí ag caint liom: ‘Fógair é seo: Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua. Tá teasghrá

éadmhar agam do Iarúsailéim agus do Shíón;

[15] E, com grande indignação, estou irado contra as nações que vivem confiantes; porque eu estava um pouco indignado, e elas agravaram o mal.

[15]ach tá fearg an-mhór ar fad orm leis na náisiúin dhíomasacha; mar cé nach raibh ach fearg bheag orm, chuaigh siadsan thar fóir leis an olc a rinne siad.

[16] Portanto, assim diz o SENHOR: Voltei-me para Jerusalém com misericórdia; a minha casa nela será edificada, diz o SENHOR dos Exércitos, e o cordel será estendido sobre Jerusalém.

[16]Ar an ábhar sin labhraíonn an Tiarna mar seo: Tá mé tar éis filleadh ar Iarúsailéim le barr trua di. Atógfar mo Theampall inti, a deir Tiarna na Slua, agus sínfear an dorú tomhais thar Iarúsailéim.

[17] Clama outra vez, dizendo: Assim diz o SENHOR dos Exércitos: As minhas cidades ainda transbordarão de bens; o SENHOR ainda consolará a Sião e ainda escolherá a Jerusalém.

[17]Fógair é seo freisin: Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: Níor tháinig rath go fóill ar mo chathracha, ach tabharfaidh an Tiarna sólás do Shíón athuair agus déanfaidh sé rogha de Iarúsailéim aon uair amháin eile.' ”

Zacairia 2

A segunda visão: os quatro chifres e os quatro ferreiros

Na hAdharca agus na Gaibhne

[18] Levantei os olhos e vi, e eis quatro chifres.

[1] D'ardaigh mé mo shúile agus cad a chonaic mé ach ceithre adharc.

[19] Perguntei ao anjo que falava comigo: que é isto? Ele me respondeu: São os chifres que dispersaram a Judá, a Israel e a Jerusalém.

[2]“Cad iad seo?” arsa mise leis an aingeal a bhí ag caint liom. “Is iad seo na hadharca atá tar éis Iúdá agus Iosrael agus Iarúsailéim a scaipeadh,” ar seisean liom.

[20] O SENHOR me mostrou quatro ferreiros.

[3] Ansin thaispeáin an Tiarna ceathrar gaibhne dom.

[21] Então, perguntei: que vêm fazer estes? Ele respondeu: Aqueles são os chifres que dispersaram a Judá, de maneira que ninguém pode levantar a cabeça; estes ferreiros, pois, vieram para os amedrontar, para derribar os chifres das

[4] “Cad chuige a bhfuil siad seo ag teacht?” arsa mise. “Tá na hadharca úd tar éis Iúdá a scaipeadh sa chaoi nach bhfuil tógáil a chinn ag duine ar bith,” ar seisean liom, do mo fhreagairt, “ach tá na gaibhne seo tagtha chun scanradh a chur orthu; leagfaidh siad ar lár adharca na náisiún a

nações que levantaram o seu poder contra a terra de Judá, para a espalhar.

d'ardaigh a n-adharca os cionn mhuintir Iúdá chun iad a scaipeadh."

Zacarias 2

A terceira visão: Jerusalém é medida

[1] Tornei a levantar os olhos e vi, e eis um homem que tinha na mão um cordel de medir.

[2] Então, perguntei: para onde vais tu? Ele me respondeu: Medir Jerusalém, para ver qual é a sua largura e qual o seu comprimento.

[3] Eis que saiu o anjo que falava comigo, e outro anjo lhe saiu ao encontro.

[4] E lhe disse: Corre, fala a este jovem: Jerusalém será habitada como as aldeias sem muros, por causa da multidão de homens e animais que haverá nela.

[5] Pois eu lhe serei, diz o SENHOR, um muro de fogo em redor e eu mesmo serei, no meio dela, a sua glória.

An Fear Tomhais

[5] D'ardaigh mé mo shúile agus chonaic mé fís eile. Is amhlaidh a bhí fear a raibh dorú tomhais ina láimh aige le feiceáil agam.

[6] "Cá bhfuil tú ag dul?" arsa mise leis. "Chun Iarúsailéim a thomhas," ar seisean liom, "féachaint cad é a leithead agus a fad."

[7] Ansin d'fhan an t-aingeal a bhí ag caint liom ina sheasamh agus tháinig aingeal eile chuige

[8] agus dúirt sé leis: "Rith leat agus abair leis an ógánach sin go gcaithfear Iarúsailéim a fhágáil gan bhallaí mar gheall ar oll-líon na ndaoine agus na mbeithíoch a bheidh inti.

[9] 'Óir beidh mise thart timpeall uirthi mar bhalla tine, ' a deir an Tiarna, 'agus beidh mé mar ghlóir di ina lár.' "

Israel exortado a voltar para Sião

[6] Eh! Eh! Fugi, agora, da terra do Norte, diz o SENHOR, porque vos espalhei como os quatro ventos do céu, diz o SENHOR.

[7] Eh! Salva-te, ó Sião, tu que habitas com a filha da Babilônia.

[8] Pois assim diz o SENHOR dos Exércitos: Para obter ele a glória, enviou-me às nações que vos despojaram; porque aquele que tocar em vós toca na menina do seu olho.

[9] Porque eis aí agitarei a mão contra eles, e eles virão a ser a presa daqueles que os

Dhá Aitheasc do na Deoraithe

[10] Hóigh! Hóigh! Teithigí ón tír thuaidh, a deir an Tiarna, óir táim tar éis sibhse a scaipeadh faoi cheithre aird na cruinne, a deir an Tiarna.

[11] Hóigh! , a Shíón, sábháil thú féin, tusa a chonaíonn sa Bhablóin;

[12] Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua, an té a chuir uaidh mé tar éis dom a ghlóir a fheiceáil, i dtaobh na náisiún a rinne slad oraibh: - óir aon duine a bhaineann libhse, baineann sé le himreasc a shúile -

[13] Féach, táim ag bagairt mo dhoirn ina n-aghaidh, agus déanfaidh a gcuid sclábhaithe

serviram; assim, sabereis vós que o SENHOR dos Exércitos é quem me enviou.

[10] Canta e exulta, ó filha de Sião, porque eis que venho e habitarei no meio de ti, diz o SENHOR.

[11] Naquele dia, muitas nações se ajuntarão ao SENHOR e serão o meu povo; habitarei no meio de ti, e saberás que o SENHOR dos Exércitos é quem me enviou a ti.

[12] Então, o SENHOR herdará a Judá como sua porção na terra santa e, de novo, escolherá a Jerusalém.

[13] Cale-se toda carne diante do SENHOR, porque ele se levantou da sua santa morada.

Zacarias 3

A quarta visão: o sumo sacerdote Josué

[1] Deus me mostrou o sumo sacerdote Josué, o qual estava diante do Anjo do SENHOR, e Satanás estava à mão direita dele, para se lhe opor.

[2] Mas o SENHOR disse a Satanás: O SENHOR te repreende, ó Satanás; sim, o SENHOR, que escolheu a Jerusalém, te repreende; não é este um tição tirado do fogo?

[3] Ora, Josué, trajado de vestes sujas, estava diante do Anjo.

[4] Tomou este a palavra e disse aos que estavam diante dele: Tirai-lhe as vestes sujas. A Josué disse: Eis que tenho feito

slad orthu. Beidh a fhios agaibhse ansin gurbh é Tiarna na Slua a chuir uaidh mé.

[14] Abair amhrán agus déan gairdeas, a iníon Shíón; óir, féach, táimse ag teacht chun cónaí a dhéanamh i do lár, a deir an Tiarna.

[15] Ceanglófar a lán náisiún leis an Tiarna an lá sin; beidh siad ina bpobal aige, agus cónóidh sé in bhur measc, agus aithneoidh tú gurbh é Tiarna na Slua a chuir chugat mé.

[16] Ach beidh seilbh ag an Tiarna ar Iúdá, mar a chomhroinn féin sa talamh naofa, agus déanfaidh sé rogha de Iarúsailéim athuair.

[17] Bíodh gach duine ina thost i láthair an Tiarna; óir, tá sé ag éirí chun teacht amach as a áitreabh naofa.

Zacairia 3

Cúisiú agus Cosaint an Ardsagairt Iósua

[1]Ansin thaispeain sé dom an t-ardsagart Iósua agus é ina sheasamh os comhair aingeal an Tiarna. Bhí an tÁibhirseoir ina sheasamh ar a láimh dheas chun é a chúiseamh.

[2]Dúirt aingeal an Tiarna leis an Áibhirseoir: "Go dtuga an Tiarna achasán duit, a Áibhirseoir! Go dtuga an Tiarna, a rinne rogha de Iarúsailéim, achasán duit! Nach aibhleog a sciobadh ón tine an fear seo?"

[3]Is amhlaidh a bhí Iósua gléasta in éadaí salacha agus é ina sheasamh os comhair an aingil.

[4]Thug an t-aingeal an t-ordú seo a leanas dá lucht freastail: "Bainigí na héadaí salacha de." Dúirt sé le Iósua ansin: "Féach, conas mar atá mé tar éis do chuid

que passe de ti a tua iniqüidade e te vestirei de finos trajes.

[5] E disse eu: ponham-lhe um turbante limpo sobre a cabeça. Puseram-lhe, pois, sobre a cabeça um turbante limpo e o vestiram com trajes próprios; e o Anjo do SENHOR estava ali,

[6] protestou a Josué e disse:

[7] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Se andares nos meus caminhos e observares os meus preceitos, também tu julgarás a minha casa e guardarás os meus átrios, e te darei livre acesso entre estes que aqui se encontram.

[8] Ouve, pois, Josué, sumo sacerdote, tu e os teus companheiros que se assentam diante de ti, porque são homens de presságio; eis que eu farei vir o meu servo, o Renovo.

[9] Porque eis aqui a pedra que pus diante de Josué; sobre esta pedra única estão sete olhos; eis que eu lavrarei a sua escultura, diz o SENHOR dos Exércitos, e tirarei a iniqüidade desta terra, num só dia.

[10] Naquele dia, diz o SENHOR dos Exércitos, cada um de vós convidará ao seu próximo para debaixo da vide e para debaixo da figueira.

Zacarias 4

A quinta visão: o candelabro de ouro entre duas oliveiras

urchóide a thógáil díot agus gléasfaidh mé thú in éadaí taibhseacha."

[5]"Cuirigí ceannbheart glan ar a cheann," ar seisean ansin. Chuir siad an ceannbheart glan ar a cheann agus ghléas siad é sna héadaí. Lena linn sin bhí aingeal an Tiarna ina sheasamh in aice láimhe.

[6]Thug aingeal an Tiarna an dearbhú seo a leanas do Iósua ansin:

[7]"Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: 'Má shiúlann tú de réir mo bhealaí, agus m'aitheanta a choimeád, is tusa a riarfaidh mo Theampall agus a chosnóidh mo chúirteanna, agus tabharfaidh mé cead duit caidreamh a dhéanamh leo siúd atá ina seasamh anseo.

[8]Éist, mar sin, a Iósua, a ardsagairt - tú féin agus do chompánaigh atá ina suí os do chomhair - óir, is fir dhea-thuair sibh. Is amhlaidh atáimse chun tabhairt ar mo sheirbhíseach, an Beangán, teacht.

[9]Seo í an chloch atáimse a chur ar Iósua; tá seacht ngrua ar an aon chloch amháin seo agus greanfaidh mé féin an inscríbhinn uirthi, a deir Tiarna na Slua, agus glanfaidh mé urchóid na tíre seo di in aon lá amháin.

[10]An lá sin, a deir Tiarna na Slua, tabharfaidh gach duine agaibh cuireadh dá chomharsa teacht agus suí síos faoina fhíniúin agus faoina chrann fígí féin.' "

Zacairia 4

An Crann Solais agus an Dá Ológ

[1] Tornou o anjo que falava comigo e me despertou, como a um homem que é despertado do seu sono,

[2] e me perguntou: Que vês? Respondi: olho, e eis um candelabro todo de ouro e um vaso de azeite em cima com as suas sete lâmpadas e sete tubos, um para cada uma das lâmpadas que estão em cima do candelabro.

[3] Junto a este, duas oliveiras, uma à direita do vaso de azeite, e a outra à sua esquerda.

[4] Então, perguntei ao anjo que falava comigo: meu senhor, que é isto?

[5] Respondeu-me o anjo que falava comigo: Não sabes tu que é isto? Respondi: não, meu senhor.

[6] Prosseguiu ele e me disse: Esta é a palavra do SENHOR a Zorobabel: Não por força nem por poder, mas pelo meu Espírito, diz o SENHOR dos Exércitos.

[7] Quem és tu, ó grande monte? Diante de Zorobabel serás uma campina; porque ele colocará a pedra de remate, em meio a aclamações: Haja graça e graça para ela!

[8] Novamente, me veio a palavra do SENHOR, dizendo:

[9] As mãos de Zorobabel lançaram os fundamentos desta casa, elas mesmas a acabarão, para que saibais que o SENHOR

[1]D'fhill an t-aingeal a bhí ag caint liom agus dhúisigh sé mé mar a dhúisítear duine as a chodladh.

[2]“Cad é a fheiceann tú?” ar seisean liom. “Is é rud a fheicim,” arsa mise, “ná crann solais agus é déanta go hiomlán d'ór agus babhla ar a bharr. Tá seacht lampa air agus seacht ngob ar gach ceann díobh.

[3]In aice leis tá dhá chrann ológ, ceann amháin ar an taobh deas de agus ceann eile ar an taobh clé.”

[4]Labhair mé ansin leis an aingeal a bhí ag caint liom, á cheistiú: “Cad iad seo, a dhuine uasail?”

[5]Mar fhreagra air sin dúirt an t-aingeal a bhí ag caint liom: “Nach bhfuil a fhios agat cad iad seo?” “Níl ná a fhios, a dhuine uasail,” arsa mise leis.

Zarubáibil agus Atógáil an Teampaill

[6]Dúirt sé liom ansin, do mo fhreagairt: Seo é briathar an Tiarna i dtaobh Zarubáibil: “Ní le treise arm ná le teann fornirt a dhéanfar é ach le cuidiú mo spioraid féin, a deir Tiarna na Slua.

[7]Céard é thusa, a shliabh mhóir? Déanfar má díot roimh Zarubáibil. Nuair a bhéarfaidh sé an chloch chinn amach, gáirfear os ard: “Nach álainn í! Nach álainn í.’ ”

[8]Labhraíodh briathar an Tiarna liom mar a leanas:

[9]“Is iad lámha Zarubáibil a leag bunsraith an Teampaill seo, agus is iad a lámhasan freisin a thabharfaidh chun dea-chríche é.

dos Exércitos é quem me enviou a vós outros.

[10] Pois quem despreza o dia dos humildes começos, esse alegrar-se-á vendo o prumo na mão de Zorobabel. Aqueles sete olhos são os olhos do SENHOR, que percorrem toda a terra.

[11] Prossegui e lhe perguntei: que são as duas oliveiras à direita e à esquerda do candelabro?

[12] Tornando a falar-lhe, perguntei: que são aqueles dois raminhos de oliveira que estão junto aos dois tubos de ouro, que vertem de si azeite dourado?

[13] Ele me respondeu: Não sabes que é isto? Eu disse: não, meu senhor.

[14] Então, ele disse: São os dois ungidos, que assistem junto ao SENHOR de toda a terra.

Zacarias 5

A sexta visão: o rolo voante

[1] Tornei a levantar os olhos e vi, e eis um rolo voante.

[2] Perguntou-me o anjo: Que vês? Eu respondi: vejo um rolo voante, que tem vinte côvados de comprimento e dez de largura.

[3] Então, me disse: Esta é a maldição que sai pela face de toda a terra, porque qualquer que furtar será expulso segundo a maldição, e qualquer que jurar

Agus beidh a fhios agat gurb é Tiarna na Slua a chuir chugaibh mé.

[10]Óir, duine ar bith a chaith drochmheas ar an lá seo na mioneachtraí cuirfear áthas air agus feicfidh sé an chloch thofa i lámha Zarubáibil.” “Is iad na seacht lampa seo súile an Tiarna a bhíonn ag breathnú uathu amach ar fud an domhain uile.”

[11]Labhair mé leis arís, á rá: “Cad é an chiall atá leis an dá chrann ológ seo a bhfuil ceann díobh ar dheis an chrainn solais agus an ceann eile ar a chlé.”

[12]Labhair mé leis aon uair amháin eile agus dúirt: “Cad iad an dá chraobh olóige seo a dhoirteann an ola tríd an dá phíopa óir?”

[13]“Nach bhfuil a fhios agat cad iad seo?” ar seisean liom. “Níl ná a fhios, a dhuine uasail,” arsa mise.

[14]Dúirt sé ansin: “Is iad seo an bheirt ungthach a bhíonn ina seasamh os comhair Tiarna an domhain uile.”

Zacairia 5

An Scrolla Eitilte

[1]D'ardaigh mé mo shúile arís agus cad a chonaic mé ach scrolla ag eitilt.

[2]“Cad é a fheiceann tú?” ar seisean liom. “Feicim scrolla ar eitilt,” arsa mise, “tá sé fiche banlámh ar fad agus deich mbanlámh ar leithead.”

[3]Dúirt sé liom ansin: “Is é seo an mhallacht atá ag gabháil amach thar aghaidh na tíre. Óir, de réir taobh amháin de, díbreofar gach duine a dhéanann goid; agus de réir an taoibh eile de, díbreofar as an áit seo

falsamente será expulso também segundo a mesma.

gach duine a thugann mionn éithigh dar m'ainmse.

[4] Fá-la-ei sair, diz o SENHOR dos Exércitos, e a farei entrar na casa do ladrão e na casa do que jurar falsamente pelo meu nome; nela, pernoitará e consumirá a sua madeira e as suas pedras.

[4]Scaoilfidh mé an mhallacht seo uaim amach, a deir Tiarna na Slua, agus rachaidh sí isteach i dteach an ghadaí agus i dteach an duine a thugann mionn éithigh dar m'ainmse. Fanfaidh sí i lár a thí agus scriosfaidh sí é idir adhmad agus chlocha."

A sétima visão: a mulher e o efa

Bairille an Oilc

[5] Saiu o anjo que falava comigo e me disse: Levanta, agora, os olhos e vê que é isto que sai.

[5]Thaispeáin an t-aingeal a bhí ag caint liom é féin dom ansin agus dúirt: "Ardaigh do shúile agus féach ar an rud seo atá ag nochtadh chugainn amach."

[6] Eu perguntei: que é isto? Ele me respondeu: É um efa que sai. Disse ainda: Isto é a iniqüidade em toda a terra.

[6]"Cad é seo?" arsa mise. "Bairille is ea an rud seo atá ag nochtadh chugainn," ar seisean. Ansin dúirt sé: "Is é seo [an t-olc] atá siad a dhéanamh ar fud na tíre uile."

[7] Eis que foi levantada a tampa de chumbo, e uma mulher estava sentada dentro do efa.

[7]Ardaíodh an clúdach luaidhe den bhairille ansin agus bhí bean ina suí istigh ann.

[8] Prosseguiu o anjo: Isto é a impiedade. E a lançou para o fundo do efa, sobre cuja boca pôs o peso de chumbo.

[8]"Is í seo an Urchóid," ar seisean agus sháigh sé síos sa bhairille í agus theann sé an clúdach luaidhe ar a bhéal.

[9] Levantei os olhos e vi, e eis que saíram duas mulheres; havia vento em suas asas, que eram como de cegonha; e levantaram o efa entre a terra e o céu.

[9]D'ardaigh mé mo shúile ansin agus cad a chonaic mé ach beirt bhan ag nochtadh chugainn agus an ghaoth ag séideadh faoina sciatháin - óir, is amhlaidh a bhí sciatháin acu cosúil le sciatháin na coirre báine. Thóg siad an bairille suas idir an talamh agus an spéir.

[10] Então, perguntei ao anjo que falava comigo: para onde levam elas o efa?

[10]"Cá bhfuil an bairille á thabhairt acu?" arsa mise leis an aingeal a bhí ag caint liom.

[11] Respondeu-me: Para edificarem àquela mulher uma casa na terra de Sinar, e,

[11]"Go dtí tír na Sionáire," ar seisean liom, "chun teampall a thógáil dó ann. Nuair a

estando esta acabada, ela será posta ali em seu próprio lugar.

Zacarias 6

A oitava visão: os quatro carros

[1] Outra vez, levantei os olhos e vi, e eis que quatro carros saíam dentre dois montes, e estes montes eram de bronze.

[2] No primeiro carro, os cavalos eram vermelhos, no segundo, pretos,

[3] no terceiro, brancos e no quarto, baios; todos eram fortes.

[4] Então, perguntei ao anjo que falava comigo: que é isto, meu senhor?

[5] Respondeu-me o anjo: São os quatro ventos do céu, que saem donde estavam perante o SENHOR de toda a terra.

[6] O carro em que estão os cavalos pretos sai para a terra do Norte; o dos brancos, após eles; o dos baios, para a terra do Sul.

[7] Saem, assim, os cavalos fortes, forcejando por andar avante, para percorrerem a terra. O SENHOR lhes disse: Ide, percorrei a terra. E percorriam a terra.

[8] E me chamou e me disse: Eis que aqueles que saíram para a terra do Norte fazem repousar o meu Espírito na terra do Norte.

bheidh sé ullamh dó, cuirfear síos ar a bhonn féin é.”

Zacairia 6

Na Carbaid

[1]D'ardaigh mé mo shúile arís agus cad a chonaic mé ach ceithre charbad ag nochtadh chugainn amach idir dhá shliabh. Sléibhte cré-umhaí ba ea na sléibhte seo.

[2]Bhí capaill rua faoin gcéad charbad, agus capaill dhubha faoin dara ceann,

[3]agus capaill bhána faoin tríú ceann, agus capaill bhallacha láidre faoin gceathrú ceann.

[4]Cheistigh mé an t-aingeal a bhí ag caint liom, á rá: “Cad iad seo, a dhuine uasail?”

[5]Dúirt an t-aingeal liom ansin, do mo fhreagairt: “Tá siad seo ag gabháil amach faoi cheithre hairde na cruinne tar éis dóibh a bheith ag freastal ar Thiarna an domhain uile.

[6]Tá carbad na gcapall dubh ag dul go dtí an tuaisceart agus carbad na gcapall bán ag dul go dtí an t-iarthar agus carbad na gcapall ballach ag dul go dtí an deisceart.”

[7]Tháinig siad amach go beo bríomhar agus flosc orthu chun dul anonn agus anall ar fud an domhain mhóir. “As go brách libh as seo anonn agus anall ar fud an domhain,” arsa an t-aingeal agus d'imigh siad leo ar chuairt na cruinne.

[8]Ghlaoigh sé ormsa ansin agus labhair sé liom mar a leanas: “Féach,” ar seisean, “na cinn atá ag dul i dtreo an tuaiscirt

tabharfaidh siad ar spiorad [an Tiarna] tuirling ar an tuaisceart.

A coroação de Josué. O Renovo

[9] A palavra do SENHOR veio a mim, dizendo:

[10] Recebe dos que foram levados cativos, a saber, de Heldai, de Tobias e de Jedaías, e vem tu no mesmo dia e entra na casa de Josias, filho de Sofonias, para a qual vieram da Babilônia.

[11] Recebe, digo, prata e ouro, e faze coroas, e põe-nas na cabeça de Josué, filho de Jozadaque, o sumo sacerdote.

[12] E dize-lhe: Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Eis aqui o homem cujo nome é Renovo; ele brotará do seu lugar e edificará o templo do SENHOR.

[13] Ele mesmo edificará o templo do SENHOR e será revestido de glória; assentar-se-á no seu trono, e dominará, e será sacerdote no seu trono; e reinará perfeita união entre ambos os ofícios.

[14] As coroas serão para Helém, para Tobias, para Jedaías e para Hem, filho de Sofonias, como memorial no templo do SENHOR.

[15] Aqueles que estão longe virão e ajudarão no edificar o templo do SENHOR, e sabereis que o SENHOR dos Exércitos me enviou a vós outros. Isto sucederá se diligentemente ouvirdes a voz do SENHOR, vosso Deus.

Zacarias 7

An Choróin

[9]Labhraíodh briathar an Tiarna liom mar a leanas:

[10]“Glac ofrálacha ó na hiarchimí Haldae agus Tóibiá agus Iadáia agus imigh leat an lá céanna go dtí teach Ióisíá, mac Zafainiá - is amhlaidh a bhí na daoine seo tar éis teacht ón mBablóin.

[11]Tóg airgead agus ór agus déan coróin agus cuir ar cheann an ardsagairt Iósua, mac Iózádác, í

[12]agus abair é seo leis: Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: Seo fear darb ainm ‘An Beangán’; eascróidh sé mar a bhfuil sé agus tógfaidh sé Teampall an Tiarna.

[13]Is eisean go deimhin a atógfaidh Teampall an Tiarna, agus a chuirfidh air féin na suaitheantais ríoga, agus a shuífidh mar rialtóir ina ríchathaoir. Beidh sagart ar a dheis agus beidh comharaíocht chairdiúil eatarthu.

[14]Cuirfear an chóróin i dTeampall an Tiarna mar thoirbhirt chuimhneacháin ar Haldae agus ar Thóibiá agus ar Iadáia agus ar Ióisíá, mac Zafainiá.”

[15]Tiocfaidh daoine atá i bhfad ar shiúl agus atógfaidh siad Teampall an Tiarna. Agus beidh a fhios agaibh gurbh é Tiarna na Slua a chuir chugaibh mé. Titfidh sé seo amach má éisteann sibh go haireach le guth an Tiarna bhur nDia.”

Zacairia 7

O jejum que não agrada a Deus

[1] No quarto ano do rei Dario, veio a palavra do SENHOR a Zacarias, no dia quarto do nono mês, que é quisleu.

[2] Quando de Betel foram enviados Sarezer, e Regém-Meleque, e seus homens, para suplicarem o favor do SENHOR,

[3] perguntaram aos sacerdotes, que estavam na Casa do SENHOR dos Exércitos, e aos profetas: Continuaremos nós a chorar, com jejum, no quinto mês, como temos feito por tantos anos?

[4] Então, a palavra do SENHOR dos Exércitos me veio a mim, dizendo:

[5] Fala a todo o povo desta terra e aos sacerdotes: Quando jejuastes e pranteastes, no quinto e no sétimo mês, durante estes setenta anos, acaso, foi para mim que jejuastes, com efeito, para mim?

[6] Quando comeis e bebeis, não é para vós mesmos que comeis e bebeis?

[7] Não ouvistes vós as palavras que o SENHOR pregou pelo ministério dos profetas que nos precederam, quando Jerusalém estava habitada e em paz com as suas cidades ao redor dela, e o Sul e a campina eram habitados?

A desobediência foi a causa do cativeiro

[8] A palavra do SENHOR veio a Zacarias, dizendo:

[9] Assim falara o SENHOR dos Exércitos: Executai juízo verdadeiro, mostrai

Troscadh agus Fíorchráifeacht

[1]Sa cheathrú bliain de réimeas Dháire rí, ar an gceathrú lá den naoú mí, is é sin le rá, de mhí Chisléu, labhraíodh briathar an Tiarna le Zacairia.

[2]Is amhlaidh a chuir muintir Bhéit Éil feidhmeannach de chuid an rí darb ainm Searaizir uathu, i dteannta a chuid fear, chun fabhar a impí ar an Tiarna,

[3]agus chun an cheist seo a chur ar shagairt Theampall Thiarna na Slua agus ar na fáithe: “An gcaithfidh mé caoineadh agus troscadh a dhéanamh go fóill sa chúigiú mí faoi mar atá á dhéanamh agam leis an oiread sin blianta anuas?”

[4]Labhraíodh briathar Thiarna na Slua liom ansin mar a leanas:

[5]“Abair é seo le muintir uile na tíre agus leis na sagairt: ‘Nuair a dhéanadh sibh troscadh agus caoineadh sa chúigiú agus sa seachtú mí le seachtó bliain anuas, an ar mo shonsa a dhéanadh sibh é?

[6]Agus nuair a d'itheadh agus a d'óladh sibh nach ar bhur son féin a dhéanadh sibh ithe agus ól?

[7]Nárbh iad seo na briathra a d'fhógair an Tiarna trí bhéal na bhfáithe tosaigh, nuair a bhí daoine ina gcónaí faoi rath in Iarúsailéim, agus sna bailte atá ina timpeall agus sa Neigib agus sna hÍsleáin freisin? ’ ”

[8]Labhraíodh briathar an Tiarna ansin le Zacairia mar a leanas:

[9]“Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: ‘Tugaigí fíorbhreithiúnas uaibh;

bondade e misericórdia, cada um a seu irmão;

[10] não oprimais a viúva, nem o órfão, nem o estrangeiro, nem o pobre, nem intente cada um, em seu coração, o mal contra o seu próximo.

[11] Eles, porém, não quiseram atender e, rebeldes, me deram as costas e ensurdeceram os ouvidos, para que não ouvissem.

[12] Sim, fizeram o seu coração duro como diamante, para que não ouvissem a lei, nem as palavras que o SENHOR dos Exércitos enviara pelo seu Espírito, mediante os profetas que nos precederam; daí veio a grande ira do SENHOR dos Exércitos.

[13] Visto que eu clamei, e eles não me ouviram, eles também clamaram, e eu não os ouvi, diz o SENHOR dos Exércitos.

[14] Espalhei-os com um turbilhão por entre todas as nações que eles não conheceram; e a terra foi assolada atrás deles, de sorte que ninguém passava por ela, nem voltava; porque da terra desejável fizeram uma desolação.

Zacarias 8

Sião restaurada

[1] Veio a mim a palavra do SENHOR dos Exércitos, dizendo:

taispeánadh gach duine agaibh buanghrá agus trua dá bhráthair.

[10]Ná déanaigí foréigean ar an mbaintreach ná ar an dílleachta, ar an gcoimhthíoch ná ar an mbochtán; ná bíodh aon duine agaibh ag meabhrú oilc ina chroí in aghaidh a bhráthar.' ”

[11]Ach dhiúltaigh siad éisteacht liom agus d'iompaigh siad gualainn stailceach chugam agus thug siad cluas bhodhar dom ar eagla go gcloisfidís.

[12]Rinne siad a gcroíthe chomh dáigh le diamant ar eagla go gcloisfidís an teagasc, agus an teachtaireacht a chuir Tiarna na Slua chucu lena spiorad trí bhéal na bhfáithe a bhí ann fadó. Dá dheasca sin chuir Tiarna na Slua smachtú dian orthu le neart feirge.

[13]Seo mar a tharla sé, a deir Tiarna na Slua: “Nuair a ghlaoigh mise orthu, níor éist siad liom; mar an gcéanna, nuair a ghlaoigh siadsan ormsa, níor éist mise leo.

[14]Ach scaip mé chun fáin iad i measc na náisiún uile nach raibh aithne acu orthu; agus tar éis dóibh imeacht bánaíodh an tír sa chaoi nach raibh duine ná deoraí ag gabháil anonn agus anall inti. Ar an gcuma sin rinne siad fásach folamh dá ndúiche álainn.”

Zacairia 8

Oracail Mheisiasacha

[1]Labhraíodh briathar Thiarna na Slua liom mar a leanas:

[2] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Tenho grandes zelos de Sião e com grande indignação tenho zelos dela.

[3] Assim diz o SENHOR: Voltarei para Sião e habitarei no meio de Jerusalém; Jerusalém chamar-se-á a cidade fiel, e o monte do SENHOR dos Exércitos, monte santo.

[4] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Ainda nas praças de Jerusalém sentar-se-ão velhos e velhas, levando cada um na mão o seu arrimo, por causa da sua muita idade.

[5] As praças da cidade se encherão de meninos e meninas, que nelas brincarão.

[6] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Se isto for maravilhoso aos olhos do restante deste povo naqueles dias, será também maravilhoso aos meus olhos? – diz o SENHOR dos Exércitos.

[7] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Eis que salvarei o meu povo, tirando-o da terra do Oriente e da terra do Ocidente;

[8] eu os trarei, e habitarão em Jerusalém; eles serão o meu povo, e eu serei o seu Deus, em verdade e em justiça.

[9] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Sejam fortes as mãos de todos vós que nestes dias ouvis estas palavras da boca dos profetas, a saber, nos dias em que foram postos os fundamentos da Casa do SENHOR dos Exércitos, para que o templo fosse edificado.

[2]Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: “Tá teasghrá éadmhar agam do Shíón, a mhúsclaíonn tocht díograise ionam di.”

[3]Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: “Fillfidh mé ar Shíón agus déanfaidh mé cónaí i lár Iarúsailéim. Glaofar an Chathair Dhílis ar Iarúsailéim, Sliabh Thiarna na Slua, an Sliabh Naofa.”

[4]Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: “Beidh seanfhir agus seanmhná ina suí arís i gcearnóga Iarúsailéim; beidh bata ag gach duine díobh ina láimh de dheasca a sheanaoise.

[5]Agus beidh cearnóga na cathrach lán de bhuachaillí agus de chailíní agus iad ag súgradh iontu.”

[6]Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: “Más geall le míorúilt é seo le hiarmhar an phobail seo sna laethanta sin, an gá gurb ionadh liomsa é?” - a deir Tiarna na Slua.

[7]Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: “Sábhálfaidh mé mo phobal ón domhan thoir agus ón domhan thiar.

[8]Tabharfaidh mé ar ais iad chun cónaí a dhéanamh in Iarúsailéim. Beidh siad ina bpobal agamsa agus beidh mise i mo Dhia acusan go dílis agus go cóir.”

[9]Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: “Músclaígí bhur misneach, sibhse atá ag éisteacht sna laethanta seo leis na briathra seo ó bhéal na bhfáithe atá ag déanamh tairngreachta, ón lá ar leagadh bunsraith theach Thiarna na Slua, ionas go n-atógfaí an Teampall.

[10] Porque, antes daqueles dias, não havia salário para homens, nem os animais lhes davam ganho, não havia paz para o que entrava, nem para o que saía, por causa do inimigo, porque eu incitei todos os homens, cada um contra o seu próximo.

[10]Óir, roimh na laethanta seo ní raibh luach saothair le fáil ag fear nó ag ainmhí, agus, mar gheall ar a chuid naimhde, ní raibh sábháilteacht ar bith ann do dhuine agus é ag dul i mbun a ghnó; mar bhí mé tar éis an uile dhuine a chur in aghaidh a chomharsan.

[11] Mas, agora, não serei para com o restante deste povo como nos primeiros dias, diz o SENHOR dos Exércitos.

[11]Ach anois ní chaithfidh mé le hiarmhar an phobail seo faoi mar a chaith mé leo tráth," a deir Tiarna na Slua.

[12] Porque haverá sementeira de paz; a vide dará o seu fruto, a terra, a sua novidade, e os céus, o seu orvalho; e farei que o resto deste povo herde tudo isto.

[12]"Beidh rath agus bláth ar a síol; tabharfaidh an fhíniúin a caora agus an talamh a thorthaí; fearfaidh na spéartha a ndrúcht, agus cuirfidh mé iarmhar an phobail seo i seilbh na maitheasaí seo go léir.

[13] E há de acontecer, ó casa de Judá, ó casa de Israel, que, assim como fostes maldição entre as nações, assim vos salvarei, e sereis bênção; não temais, e sejam fortes as vossas mãos.

[13]Faoi mar ba mhallacht sibh tráth i measc na náisiún, a theaghlaigh Iúdá agus a theaghlaigh Iosrael, sin mar a shábhálfaidh mé sibh nó go mbeidh sibh in bhur n-ábhar beannachtaí dóibh; ná bíodh aon eagla oraibh mar sin ach músclaígí bhur misneach."

[14] Porque assim diz o SENHOR dos Exércitos: Como pensei fazer-vos mal, quando vossos pais me provocaram à ira, diz o SENHOR dos Exércitos, e não me arrependi,

[14]Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: "Faoi mar a bheartaigh mé dochar a dhéanamh daoibh nuair a chuir bhur n-aithreacha fearg orm," a deir Tiarna na Slua, "agus nár tháinig aithreachas ar bith orm faoi,

[15] assim pensei de novo em fazer bem a Jerusalém e à casa de Judá nestes dias; não temais.

[15]sin mar atá sé beartaithe agam athuair rath a chur ar Iarúsailéim agus ar theaghlach Iúdá sna laethanta seo. Ná bíodh eagla oraibh.

[16] Eis as coisas que deveis fazer: Falai a verdade cada um com o seu próximo,

[16]Is iad seo na haitheanta atá le comhlíonadh agaibh: labhraíodh gach

executai juízo nas vossas portas, segundo a verdade, em favor da paz;

[17] nenhum de vós pense mal no seu coração contra o seu próximo, nem ame o juramento falso, porque a todas estas coisas eu aborreço, diz o SENHOR.

[18] A palavra do SENHOR dos Exércitos veio a mim, dizendo:

[19] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: O jejum do quarto mês, e o do quinto, e o do sétimo, e o do décimo serão para a casa de Judá regozijo, alegria e festividades solenes; amai, pois, a verdade e a paz.

[20] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Ainda sucederá que virão povos e habitantes de muitas cidades;

[21] e os habitantes de uma cidade irão à outra, dizendo: Vamos depressa suplicar o favor do SENHOR e buscar ao SENHOR dos Exércitos; eu também irei.

[22] Virão muitos povos e poderosas nações buscar em Jerusalém ao SENHOR dos Exércitos e suplicar o favor do SENHOR.

[23] Assim diz o SENHOR dos Exércitos: Naquele dia, sucederá que pegarão dez homens, de todas as línguas das nações, pegarão, sim, na orla da veste de um judeu e lhe dirão: Iremos convosco, porque temos ouvido que Deus está convosco.

duine an fhírinne lena chomharsa; ag bhur ngeataí tugaigí fíorbhreithiúnais, a bhuanóidh an tsíocháin eadraibh;

[17]ná beartaíodh aon duine agaibh olc ina chroí in aghaidh a chomharsan; agus ná bígí tugtha do mhionnaí bréige; óir, is fuath liom na nithe sin go léir," a deir an Tiarna.

[18]Labhraíodh briathar an Tiarna liom mar a leanas:

[19]Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: "Beidh troscadh an ceathrú agus an cúigiú agus an seachtú agus an deichiú mí ina n-ábhar áthais agus lúcháire agus ina bhféilte aoibhnis do theaghlach Iúdá. Dá bhrí sin, gráigí an fhírinne agus an tsíocháin."

[20]Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: "Tiocfaidh ciníocha eile fós, áitritheoirí cathracha móra.

[21]Agus rachaidh áitritheoirí cathrach amháin go ceann eile, á rá: 'Téimis láithreach chun impí a dhéanamh ar an Tiarna agus chun Tiarna na Slua a lorg. Táimse féin ag dul.'

[22]Tiocfaidh mórán ciníocha agus náisiún tréan chun Tiarna na Slua a lorg in Iarúsailéim agus chun impí a dhéanamh ar an Tiarna."

[23]Mar seo a labhraíonn Tiarna na Slua: "Sna laethanta sin béarfaidh deichniúr fear as gach náisiún a bhfuil a theanga féin aige, greim ar chiumhais róba gach Giúdaigh, á rá: 'Lig dúinn dul in éineacht

leat, óir chualamar go bhfuil Dia in bhur dteannta.' "

Zacarias 9

O castigo de diversos povos

[1] A sentença pronunciada pelo SENHOR é contra a terra de Hadraque e repousa sobre Damasco, porque o SENHOR põe os olhos sobre os homens e sobre todas as tribos de Israel;

[2] também repousa sobre Hamate, que confina com ele, sobre Tiro e Sidom, cuja sabedoria é grande.

[3] Tiro edificou para si fortalezas e amontoou prata como o pó e ouro, como a lama das ruas.

[4] Eis que o SENHOR a despojará e precipitará no mar a sua força; e ela será consumida pelo fogo.

[5] Asquelom o verá e temerá; também Gaza e terá grande dor; igualmente Ecrom, porque a sua esperança será iludida; o rei de Gaza perecerá, e Asquelom não será habitada.

[6] Povo bastardo habitará em Asdode, e exterminarei a soberba dos filisteus.

[7] Da boca destes tirarei o sangue dos sacrifícios idólatras e, dentre os seus dentes, tais abominações; então, ficarão eles como um restante para o nosso Deus; e serão como chefes em Judá, e Ecrom, como jebuseu.

Zacairia 9

An Dara Cuid
Ionradh an Tiarna

[1]Oracal. Tá briathar an Tiarna i ndúiche Hadrác, agus tá foslongfort aige sa Damaisc, - mar is leis an Tiarna cathracha uile Arám faoi mar is leis treibheanna uile Iosrael.

[2]Tá sé i Hamát freisin, áit atá ar a teorainn agus sa Tuír agus i Síodón, dá mhéad í a n-eagna.

[3]Tá an Tuír tar éis daingean a thógáil di féin, agus airgead a charnadh mar dheannach, agus ór a chnuasach mar lathach na sráideanna.

[4]Ach, féach! Gabhfaidh an Tiarna seilbh uirthi; brisfidh sé a cumhacht ar an bhfarraige agus loiscfear í le tine.

[5]Feicfidh Aiscileon é sin agus tiocfaidh eagla uirthi; feicfidh Gazá é chomh maith agus beidh sí ag lúbarnaíl le scéin; beidh Eacrón ar crith freisin, mar cuirfear a dóchas ó chrích. Díothófar rí Ghazá agus ní dhéanfar cónaí in Aiscileon feasta.

[6]Lonnóidh pór measctha in Aisdeod, agus buailfidh mé an t-uabhar as an bhFilistíneach.

[7]Sracfaidh mé óna bhéal an fheoil a bhfuil an fhuil inti fós, agus sciobfaidh mé a ofrálacha gráinniúla ó idir a fhiacla. Lena chois sin déanfar iarmhar dár nDia de, agus beidh sé ina chlann in Iúdá; agus beidh Eacrón cosúil le Iabúsach.

[8] Acampar-me-ei ao redor da minha casa para defendê-la contra forças militantes, para que ninguém passe, nem volte; que não passe mais sobre eles o opressor; porque, agora, vejo isso com os meus olhos.

O Rei vem de Sião

[9] Alegra-te muito, ó filha de Sião; exulta, ó filha de Jerusalém: eis aí te vem o teu Rei, justo e salvador, humilde, montado em jumento, num jumentinho, cria de jumenta.

[10] Destruirei os carros de Efraim e os cavalos de Jerusalém, e o arco de guerra será destruído. Ele anunciará paz às nações; o seu domínio se estenderá de mar a mar e desde o Eufrates até às extremidades da terra.

[11] Quanto a ti, Sião, por causa do sangue da tua aliança, tirei os teus cativos da cova em que não havia água.

[12] Voltai à fortaleza, ó presos de esperança; também, hoje, vos anuncio que tudo vos restituirei em dobro.

[13] Porque para mim curvei Judá como um arco e o enchi de Efraim; suscitarei a teus filhos, ó Sião, contra os teus filhos, ó Grécia! E te porei, ó Sião, como a espada de um valente.

[14] O SENHOR será visto sobre os filhos de Sião, e as suas flechas sairão como o

[8]Suífidh mé mo champa mórthimpeall mo thí, mar gharda in aghaidh a dtiocfaidh agus a n-imeoidh; ní ghluaisfidh aon tíoránach tríothu feasta, mar táimse tar éis bheith ag faire orthu anois le mo shúile cinn féin.

Teacht an Rí Mheisiasaigh

[9]Déan gairdeas go spleodrach, a iníon Shíón; tóg gártha áthais, a iníon Iarúsailéim. Féach, tá do rí ag teacht chugat, é go caithréimeach slán, agus go ceansa, agus ag marcaíocht ar asal, ar bhromaichín, ar shearrach asail.

[10]Scuabfaidh sé an carbad chun siúil as Eafráim agus an capall catha as Iarúsailéim; agus brisfear an bogha cogaidh. Labhróidh sé leis na náisiúin faoin tsíocháin, agus beidh sé i réim ó mhuir go muir agus ón Abhainn go himill na cruinne.

Beidh Iosrael faoi Rath

[11]Ach maidir leatsa, ar son fhuil do chonartha liomsa, seolfaidh mé do chimí ar ais ón bpoll nach bhfuil aon uisce ann.

[12]Filligí ar an daingean, a chimí an dóchais, an lá inniu féin dearbhaím go ndéanfaidh mé cúiteamh libh faoi dhó.

[13]Óir, táim tar éis Iúdá a lúbadh dom féin mar bhogha, agus an bogha sin a ghléasadh le hEafráim mar shaighead. Beartóidh mé do chlann mhac, a Shíón, mar airm in aghaidh chlann mhac Iáván, agus déanfaidh mé claíomh gaiscígh díot.

[14]Nochtfaidh an Tiarna os a gcionn. Seinnfidh a shaighead amach mar splanc thintrí; séidfidh an Tiarna Dia an stoc,

relâmpago; o SENHOR Deus fará soar a trombeta e irá com os redemoinhos do Sul.

[15] O SENHOR dos Exércitos os protegerá; eles devorarão os fundibulários e os pisarão; também beberão deles o sangue como vinho; encher-se-ão como bacias do sacrifício e ficarão ensopados como os cantos do altar.

[16] O SENHOR, seu Deus, naquele dia, os salvará, como ao rebanho do seu povo; porque eles são pedras de uma coroa e resplandecem na terra dele.

[17] Pois quão grande é a sua bondade! E quão grande, a sua formosura! O cereal fará florescer os jovens, e o vinho, as donzelas.

Zacarias 10

Deus abençoará Judá e Israel

[1] Pedi ao SENHOR chuva no tempo das chuvas serôdias, ao SENHOR, que faz as nuvens de chuva, dá aos homens aguaceiro e a cada um, erva no campo.

[2] Porque os ídolos do lar falam coisas vãs, e os adivinhos vêem mentiras, contam sonhos enganadores e oferecem consolações vazias; por isso, anda o povo como ovelhas, aflito, porque não há pastor.

agus réabfaidh sé leis ar aghaidh ar stoirmeacha an deiscirt.

[15]Cosnóidh Tiarna na Slua iad; dísceoidh siad [a naimhde] agus gabhfaidh siad de chosa sna clocha tabhaill. Ólfaidh siad agus tógfaidh siad racán, faoi mar a bheadh siad ar meisce le fíon; beidh siad chomh lán le babhla íobartha chomh smeartha le cúinní altóra.

[16]An lá sin, sábhálfaidh an Tiarna, a nDia, iad, a phobal féin, mar thréad caorach. Óir beidh siad ag drithliú ar a thalamh amhail seoda corónach.

[17]Nach maith an bhail a bheidh orthu go deimhin! Nach álainn a bheidh siad! Cuirfidh arbhar bláth ar na hógánaigh agus cuirfidh fíon nua maise ar na maighdeana.

Zacairia 10

Is é an Tiarna Tobar gach Maitheasa

[1]Iarraigí fearthainn ar an Tiarna i séasúr fhearthainn an earraigh; óir, is é an Tiarna a dhéanann na néalta doininne. Tabharfaidh sé ceathanna báistí daoibh agus cuirfidh sé féar ag fás i bpáirc an uile dhuine.

[2]Óir, rinne na híola tí tairngreachtaí éithigh, agus chonaic an lucht fáistine físeanna falsa; bíonn na taibhrimh ag réamhfhógairt na baoise agus ag tabhairt sóláis bhréige. Dá dheasca sin uile, táthar imithe chun fáin mar thréad caorach agus iad á gcrá cheal aoire.

Neartófar Iúdá agus Eafráim Arís

[3] Contra os pastores se acendeu a minha ira, e castigarei os bodes-guias; mas o SENHOR dos Exércitos tomará a seu cuidado o rebanho, a casa de Judá, e fará desta o seu cavalo de glória na batalha.

[3]Tá mo chuid feirge ar lasadh in aghaidh na n-aoirí agus cuirfidh mé pionós ar na treoraithe. Ach tabharfaidh Tiarna na Slua cuairt ar a thréad, ar theaghlach Iúdá, agus déanfaidh sé capall maorga cogaidh de.

[4] De Judá sairá a pedra angular; dele, a estaca da tenda; dele, o arco de guerra; dele sairão todos os chefes juntos.

[4]Is uaidh a thiocfaidh an chloch chúinne agus an pionna botha, an bogha cogaidh agus gach ceannasaí.

[5] E serão como valentes que, na batalha, pisam aos pés os seus inimigos na lama das ruas; pelejarão, porque o SENHOR está com eles, e envergonharão os que andam montados em cavalos.

[5]I dteannta a chéile beidh siad mar laochra a shatlaíonn ar lathach na sráideanna sa chath. Fearfaidh siad cogadh, mar tá an Tiarna leo, agus an dream a bhíonn ag marcaíocht ar chapaill, cuirfear raon maidhme orthu.

[6] Fortalecerei a casa de Judá, e salvarei a casa de José, e fá-los-ei voltar, porque me compadeço deles; e serão como se eu não os tivera rejeitado, porque eu sou o SENHOR, seu Deus, e os ouvirei.

[6]Neartóidh mé teaghlach Iúdá agus sábhálfaidh mé teaghlach Iósaef. Seolfaidh mé ar ais arís iad, mar táim tar éis trua a ghlacadh dóibh, agus beidh siad amhail is nár shéan mé riamh iad; óir, is mise an Tiarna, a nDia, agus éistfidh mé lena nguí.

[7] Os de Efraim serão como um valente, e o seu coração se alegrará como pelo vinho; seus filhos o verão e se alegrarão; o seu coração se regozijará no SENHOR.

[7]Beidh muintir Eafráim ina ngaiscígh, agus cuirfear áthas ar a gcroí faoi mar a bheidís ag ól fíona. Feicfidh a gclann mhac é seo agus beidh lúcháir orthu mar gheall air agus déanfáidh a gcroíthe gairdeas sa Tiarna.

[8] Eu lhes assobiarei e os ajuntarei, porque os tenho remido; multiplicar-se-ão como antes se tinham multiplicado.

[8]Ligfidh mé fead orthu agus cruinneoidh mé iad le chéile; óir, táim tar éis iad a fhuascailt. Agus beidh siad chomh líonmhar agus a bhí siad riamh.

[9] Ainda que os espalhei por entre os povos, eles se lembram de mim em lugares

[9]Cuirfidh mé mar shíol iad i measc na náisiún; ach cuimhneoidh siad orm i

remotos; viverão com seus filhos e voltarão.

[10] Porque eu os farei voltar da terra do Egito e os congregarei da Assíria; trá-los-ei à terra de Gileade e do Líbano, e não se achará lugar para eles.

[11] Passarão o mar de angústia, as ondas do mar serão feridas, e todas as profundezas do Nilo se secarão; então, será derribada a soberba da Assíria, e o cetro do Egito se retirará.

[12] Eu os fortalecerei no SENHOR, e andarão no seu nome, diz o SENHOR.

Zacarias 11

[1] Abre, ó Líbano, as tuas portas, para que o fogo consuma os teus cedros.
[2] Geme, ó cipreste, porque os cedros caíram, porque as mais excelentes árvores são destruídas; gemei, ó carvalhos de Basã, porque o denso bosque foi derribado.
[3] Eis o uivo dos pastores, porque a sua glória é destruída! Eis o bramido dos filhos de leões, porque foi destruída a soberba do Jordão!

A parábola do bom pastor

[4] Assim diz o SENHOR, meu Deus: Apascenta as ovelhas destinadas para a matança.
[5] Aqueles que as compram matam-nas e não são punidos; os que as vendem dizem: Louvado seja o SENHOR, porque me

dtíortha atá i bhfad i gcéin. Tógfaidh siad a gclann iontu agus fillfidh siadsan ar ais.
[10]Tabharfaidh mé abhaile ón Éigipt iad agus cruinneoidh mé iad ón Asaír. Seolfaidh mé isteach i nGileád agus sa Liobáin iad, agus fiú amháin ansin ní bhfaighfear slí go leor dóibh.
[11]Gabhfaidh siad trí mhuir na hÉigipte agus buailfidh an Tiarna tonnta na farraige dóibh agus rachaidh an Níl ar fad i ndísc. Buailfear an t-uabhar as an Asaír agus tógfar an ríshlat ón Éigipt.
[12]Neartóidh mé sa Tiarna iad agus gluaisfidh siad ar aghaidh ina ainm, a deir an Tiarna.

Zacairia 11

Na Cumhachtaí Móra

[1]Oscail do gheataí, a Liobáin, chun go loiscfidh an tine do chéadrais.
[2]Déan olagón, a chufróg; óir, tá an céadras tar éis titim, agus tá na mórchumhachtaí basctha. Déan olagón, a dharacha Bháiseán; óir, tá an fhoraois dhíbhealaigh leagtha ar lár.
[3]Éist le holagón na n-aoirí; óir, tá a dtalamh méith féaraigh millte. Éist le búiríl na leon óg; óir tá mothair dhlútha na hIordáine scriosta.

Fáthscéal na nAoirí

[4]Mar seo a labhair an Tiarna, mo Dhia: “Beathaigh an tréad atá le marú.”

[5]Óir, maraíonn a gceannaitheoirí iad agus ní aithníonn siad go bhfuil siad ciontach; agus deir a ndíoltóirí: “Céad moladh leis

tornei rico; e os seus pastores não se compadecem delas.

[6] Certamente, já não terei piedade dos moradores desta terra, diz o SENHOR; eis, porém, que entregarei os homens, cada um nas mãos do seu próximo e nas mãos do seu rei; eles ferirão a terra, e eu não os livrarei das mãos deles.

[7] Apascentai, pois, as ovelhas destinadas para a matança, as pobres ovelhas do rebanho. Tomei para mim duas varas: a uma chamei Graça, e à outra, União; e apascentei as ovelhas.

[8] Dei cabo dos três pastores num mês. Então, perdi a paciência com as ovelhas, e também elas estavam cansadas de mim.

[9] Então, disse eu: não vos apascentarei; o que quer morrer, morra, o que quer ser destruído, seja, e os que restarem, coma cada um a carne do seu próximo.

[10] Tomei a vara chamada Graça e a quebrei, para anular a minha aliança, que eu fizera com todos os povos.

[11] Foi, pois, anulada naquele dia; e as pobres do rebanho, que fizeram caso de mim, reconheceram que isto era palavra do SENHOR.

[12] Eu lhes disse: se vos parece bem, dai-me o meu salário; e, se não, deixai-o. Pesaram, pois, por meu salário trinta moedas de prata.

an Tiarna, mar táimse tar éis éirí saibhir." Is amhlaidh nach bhfuil aon trua ag a n-aoirí dóibh.

[6]Óir, ní bheidh trua agam d'áitritheoirí na tíre níos mó, a deir an Tiarna. Cuirfidh mé gach uile dhuine acu faoi smacht a aoire, faoi smacht a rí; creachfaidh siad an tír agus ní fhuasclóidh mé óna smacht iad.

[7]Mar sin de, rinneadh aoire díom ar an tréad a bhí le marú ag na trádálaithe caorach. Ansin thóg mé dhá bhachall; "Cineáltas" a thug mé mar ainm ar cheann acu agus "Aontacht" ar an gceann eile agus thosaigh mé ar an tréad a bheathú.

[8]In aon mhí amháin chuir mé an triúr aoire dá gcois. Ach bhí briste ar an bhfoighne agam leis an tréad agus ba ghráin leosan mise chomh maith.

[9]"Ní bheathóidh mé sibh níos mó," arsa mise. "Cibé agaibh atá le bás a fháil, faighidís bás; díothaítear a bhfuil le díothú agus itheadh an fuílleach feoil a chéile."

[10]Thóg mé mo bhachall "Cineáltas" agus bhris mé ina dhá leath í chun an conradh a bhí déanta ag an Tiarna leis na náisiúin go léir a chur ar ceal.

[11]Agus cuireadh ar ceal an lá sin é agus thuig na trádálaithe caorach a bhí ag féachaint orm gurbh é sin briathar an Tiarna.

[12]Dúirt mé leo ansin: "Más maith libh é, tugaigí mo thuarastal dom; ach mura maith, ná bacaigí leis mar scéal." Agus

[13] Então, o SENHOR me disse: Arroja isso ao oleiro, esse magnífico preço em que fui avaliado por eles. Tomei as trinta moedas de prata e as arrojei ao oleiro, na Casa do SENHOR.

[14] Então, quebrei a segunda vara, chamada União, para romper a irmandade entre Judá e Israel.

A parábola do pastor insensato

[15] O SENHOR me disse: Toma ainda os petrechos de um pastor insensato,

[16] porque eis que suscitarei um pastor na terra, o qual não cuidará das que estão perecendo, não buscará a desgarrada, não curará a que foi ferida, nem apascentará a sã; mas comerá a carne das gordas e lhes arrancará até as unhas.

[17] Ai do pastor inútil, que abandona o rebanho! A espada lhe cairá sobre o braço e sobre o olho direito; o braço, completamente, se lhe secará, e o olho direito, de todo, se escurecerá.

Zacarias 12

A salvação de Jerusalém

[1] Sentença pronunciada pelo SENHOR contra Israel. Fala o SENHOR, o que

chomhair siad mo thuarastal amach dom, tríocha píosa d'airgead geal.

[13]“Caith isteach i gciste an Teampaill é,” arsa an Tiarna liom, “an luach móruasal seo, mar dhea, a chuir siad orm.” Ansin thóg mé an tríocha píosa d'airgead geal agus chaith mé isteach sa chiste iad atá i dteach an Tiarna.

[14]Ina dhiaidh sin bhris mé an dara bachall, “Aontacht”, ina dhá leath chun an bráithreachas a bhí idir Iúdá agus Iosrael a bhriseadh.

[15]Dúirt an Tiarna liom ansin: “Faigh trealamh aoire gan chiall duit féin athuair. [16]Mar is amhlaidh atáim chun aoire a cheapadh sa tír; ní bheidh sé buartha faoina mbeidh i mbaol a gcaillte; ní chuardóidh sé a mbeidh ag dul ar seachrán; ní leigheasfaidh sé a mbeidh gonta agus ní chothóidh sé a mbeidh slán folláin go fóill. Ach íosfaidh sé feoil na mbeithíoch biata agus bainfidh sé spólaí díobh.

[17]Mairg don aoire gan éifeacht, a thréigeann a thréad! Go mbuaile an claíomh a ghéag agus a shúil dheas chomh maith. Go searga a ghéag ar fad agus go mbaintear an radharc dá shúil dheas go hiomlán.”

Zacairia 12

Bua na nGiúdach ar a Naimhde

[1]Oracal. Briathar an Tiarna i dtaobh Iosrael. Is é seo a deir an Tiarna, an té a shín amach na flaithis agus a leag

estendeu o céu, fundou a terra e formou o espírito do homem dentro dele.

[2] Eis que eu farei de Jerusalém um cálice de tontear para todos os povos em redor e também para Judá, durante o sítio contra Jerusalém.

[3] Naquele dia, farei de Jerusalém uma pedra pesada para todos os povos; todos os que a erguerem se ferirão gravemente; e, contra ela, se ajuntarão todas as nações da terra.

[4] Naquele dia, diz o SENHOR, ferirei de espanto a todos os cavalos e de loucura os que os montam; sobre a casa de Judá abrirei os olhos e ferirei de cegueira a todos os cavalos dos povos.

[5] Então, os chefes de Judá pensarão assim: Os habitantes de Jerusalém têm a força do SENHOR dos Exércitos, seu Deus.

[6] Naquele dia, porei os chefes de Judá como um braseiro ardente debaixo da lenha e como uma tocha entre a palha; eles devorarão, à direita e à esquerda, a todos os povos em redor, e Jerusalém será habitada outra vez no seu próprio lugar, em Jerusalém mesma.

[7] O SENHOR salvará primeiramente as tendas de Judá, para que a glória da casa de Davi e a glória dos habitantes de Jerusalém não sejam exaltadas acima de Judá.

[8] Naquele dia, o SENHOR protegerá os habitantes de Jerusalém; e o mais fraco

bunsraith na cruinne agus a chruthaigh spiorad an duine istigh ann:

[2]“Féach! Déanfaidh mé corn meisciúil de Iarúsailéim i gcomhair náisiúin uile na comharsanachta; agus ní taise do Iúdá é nuair a chuirfear Iarúsailéim faoi léigear.

[3]Ar an lá sin, déanfaidh mé cloch thógála de Iarúsailéim do na náisiúin go léir; na daoine a thugann iarracht ar í a thógáil suas, gortóidh siad iad féin go mór, agus cruinneoidh náisiúin uile an domhain ina haghaidh.

[4]“Ar an lá sin, a deir an Tiarna, cuirfidh mé alltacht ar gach uile chapall agus deargbhuile ar na marcaigh. Ach féachfaidh mé anuas le taitneamh ar theaghlach Iúdá nuair a chuirfidh mé daille ar chapaill uile na náisiún eile.

[5]Déarfaidh clann Iúdá ina gcroíthe ansin: ‘Údar nirt d'áitritheoirí Iarúsailéim is ea Tiarna na Slua, a nDia.’

[6]Ar an lá sin, déanfaidh mé ciseán tine i lár coille agus tóirse lasrach i measc punann de chlanna Iúdá; loiscfidh siad náisiúin uile na comharsanachta ar dheis agus ar chlé. Ach beidh Iarúsailéim á háitriú agus í suite go daingean ina hionad féin i gcónaí.

[7]“Sábhálfaidh an Tiarna bothanna Iúdá ar dtús i dtreo nach sáróidh glóir theaghlach Dháiví agus áitritheoirí Iarúsailéim glóir Iúdá.

[8]Ar an lá sin, cosnóidh an Tiarna áitritheoirí Iarúsailéim agus ar an lá sin

dentre eles, naquele dia, será como Davi, e a casa de Davi será como Deus, como o Anjo do SENHOR diante deles.

freisin beidh an duine is laige díobh cosúil le Dáiví agus beidh teaghlach Dháiví féin cosúil le Dia, cosúil le haingeal an Tiarna, ar a dtosach.

[9] Naquele dia, procurarei destruir todas as nações que vierem contra Jerusalém.

[9]“Ar an lá sin, tá sé beartaithe agam na náisiúin uile a thiocfaidh in aghaidh Iarúsailéim a dhísciú.

O arrependimento dos habitantes de Jerusalém

[10] E sobre a casa de Davi e sobre os habitantes de Jerusalém derramarei o espírito da graça e de súplicas; olharão para aquele a quem traspassaram; pranteá-lo-ão como quem pranteia por um unigênito e chorarão por ele como se chora amargamente pelo primogênito.

Aithrí, Caoineadh, Naomhú na nGiúdach

[10]“Agus doirtfidh mé spiorad an ghrásta agus na hachainí ar theaghlach Dháiví agus ar áitritheoirí Iarúsailéim i dtreo go mbreathnóidh siad ormsa, ar an té a tholl siad. Caoinfidh siad é mar a chaoinfeá aonmhac; goilfidh siad go géar goirt ina dhiaidh faoi mar a dhéanfaí gol i ndiaidh na céadghine.

[11] Naquele dia, será grande o pranto em Jerusalém, como o pranto de Hadade-Rimom, no vale de Megido.

[11]Ar an lá sin, déanfar caoineadh mór in Iarúsailéim cosúil leis an gcaoineadh a dhéantar ar son Hadad Rimeon ar mhá Mhigideo.

[12] A terra pranteará, cada família à parte; a família da casa de Davi à parte, e suas mulheres à parte; a família da casa de Natã à parte, e suas mulheres à parte;

[12]Agus déanfaidh an tír caoineadh, gach teaghlach ar leith: muintir theaghlach Dháiví ar leith, agus a mná leo féin; muintir theaghlach Nátán ar leith, agus a mná leo féin;

[13] a família da casa de Levi à parte, e suas mulheres à parte; a família dos simeítas à parte, e suas mulheres à parte.

[13]muintir theaghlach Léiví ar leith, agus a mná leo féin; teaghlach Shimeí ar leith, agus a mná leo féin;

[14] Todas as mais famílias, cada família à parte, e suas mulheres à parte.

[14]na teaghlaigh eile go léir, gach teaghlach ar leith, agus a mná leo féin.

Zacarias 13

Eliminados os ídolos e os falsos profetas

[1] Naquele dia, haverá uma fonte aberta para a casa de Davi e para os habitantes

Zacairia 13

[1]“Ar an lá sin, osclófar tobar do theaghlach Dháiví agus d'áitritheoirí

de Jerusalém, para remover o pecado e a impureza.

[2] Acontecerá, naquele dia, diz o SENHOR dos Exércitos, que eliminarei da terra os nomes dos ídolos, e deles não haverá mais memória; e também removerei da terra os profetas e o espírito imundo.

[3] Quando alguém ainda profetizar, seu pai e sua mãe, que o geraram, lhe dirão: Não viverás, porque tens falado mentiras em nome do SENHOR; seu pai e sua mãe, que o geraram, o traspassarão quando profetizar.

[4] Naquele dia, se sentirão envergonhados os profetas, cada um da sua visão quando profetiza; nem mais se vestirão de manto de pêlos, para enganarem.

[5] Cada um, porém, dirá: Não sou profeta, sou lavrador da terra, porque fui comprado desde a minha mocidade.

[6] Se alguém lhe disser: Que feridas são essas nas tuas mãos?, responderá ele: São as feridas com que fui ferido na casa dos meus amigos.

Ferido o pastor de Deus

[7] Desperta, ó espada, contra o meu pastor e contra o homem que é o meu companheiro, diz o SENHOR dos Exércitos; fere o pastor, e as ovelhas ficarão dispersas; mas volverei a mão para os pequeninos.

Iarúsailéim chun an peaca agus an bréantas a ghlanadh díobh.

Scriosfar Íola agus Fáithe Bréige

[2]“Ar an lá sin, a deir Tiarna na Slua, scriosfaidh mé ainmneacha na n-íol den tír agus ní chuimhneofar orthu a thuilleadh. Mar an gcéanna díbreoidh mé na fáithe agus gach claonadh chun na neamhghlaine as an tír.

[3]Agus má dhéanann aon duine tairngreacht ina dhiaidh sin, déarfaidh a athair agus an mháthair a ghabh ina broinn é leis: ‘Ní ceart thusa a fhágáil beo mar labhair tú bréaga in ainm an Tiarna.’ Agus tollfaidh a athair agus a mháthair féin é nuair a dhéanfaidh sé tairngreacht.

[4]“Ar an lá sin, beidh náire ar gach uile dhuine de na fáithe faoina chuid físeanna nuair a dhéanfaidh sé tairngreacht; agus ní chaithfidh siad clócaí róin níos mó d'fhonn daoine a mhealladh.

[5]Déarfaidh gach duine díobh: ‘Ní fáidh ar bith mise ach fear a shaothraíonn an talamh; óir, bhí talamh i mo sheilbh agam ó m'óige.’

[6]Agus má fhiafraítear de: ‘Céard iad na créachtaí seo atá ar do chorp? ’ freagróidh sé: ‘Is amhlaidh a fuair mé i dteach mo chairde iad.’ ”

An Claíomh: An tIarmhar

[7]“Múscail thú féin, a chlaíomh, in aghaidh m'aoire, in aghaidh an fhir atá i bpáirt liom,” a deir Tiarna na Slua. “Buail an t-aoire chun go scaipfear an tréad! Agus iompóidh mé mo lámh in aghaidh na n-uan beag.

[8] Em toda a terra, diz o SENHOR, dois terços dela serão eliminados e perecerão; mas a terceira parte restará nela.

[9] Farei passar a terceira parte pelo fogo, e a purificarei como se purifica a prata, e a provarei como se prova o ouro; ela invocará o meu nome, e eu a ouvirei; direi: é meu povo, e ela dirá: O SENHOR é meu Deus.

Zacarias 14

O juízo sobre Jerusalém e seus opressores

[1] Eis que vem o Dia do SENHOR, em que os teus despojos se repartirão no meio de ti.

[2] Porque eu ajuntarei todas as nações para a peleja contra Jerusalém; e a cidade será tomada, e as casas serão saqueadas, e as mulheres, forçadas; metade da cidade sairá para o cativeiro, mas o restante do povo não será expulso da cidade.

[3] Então, sairá o SENHOR e pelejará contra essas nações, como pelejou no dia da batalha.

[4] Naquele dia, estarão os seus pés sobre o monte das Oliveiras, que está defronte de Jerusalém para o oriente; o monte das Oliveiras será fendido pelo meio, para o oriente e para o ocidente, e haverá um vale muito grande; metade do monte se apartará para o norte, e a outra metade, para o sul.

[8]Agus tarlóidh sé ar fud na tíre go léir," a deir Tiarna na Slua, "go gciorrófar agus go ndísceofar dhá thrian den phobal, ach go bhfágfar aon trian amhain díobh ann.

[9]Seolfaidh mé an trian seo tríd an tine; glanfaidh mé iad mar a ghlantar airgead; promhfaidh mé iad mar a phromhtar ór. Glaofaidh siad ar m'ainm agus tabharfaidh mé freagra orthu. Déarfaidh mé leo: 'Is iad seo mo phobal'; agus déarfaidh siadsan: 'Is é an Tiarna ar nDia.' "

Zacairia 14

An Cogadh Deiridh: An Tiarna, Rí na nUile

[1]Féach! Tá lá an Tiarna ag teacht agus roinnfear istigh ionat an chreach a tógadh uait.

[2]Is amhlaidh a chruinneoidh mé na náisiúin uile le chéile in aghaidh Iarúsailéim chun cogadh a chur uirthi; gabhfar an chathair, creachfar na tithe; éigneofar na mná agus imeoidh leath na cathrach ar deoraíocht. Ach ní dhíothófar an leath eile de mhuintir na cathrach ar aon chor.

[3]Ansin tiocfaidh an Tiarna amach agus cuirfidh sé cogadh ar na náisiúin sin faoi mar a throideann sé ar lá catha.

[4]Ar an lá sin, beidh a chosa ina seasamh go daingean ar Chnoc na nOlóg, áit atá os comhair Iarúsailéim ar an taobh thoir di. Scoiltfear Cnoc na nOlóg anoir siar ag gleann ábhalmhor, agus bogfaidh leath amháin den chnoc ó thuaidh, agus an leath eile ó dheas.

[5] Fugireis pelo vale dos meus montes, porque o vale dos montes chegará até Azal; sim, fugireis como fugistes do terremoto nos dias de Uzias, rei de Judá; então, virá o SENHOR, meu Deus, e todos os santos, com ele.

[5]Líonfar an gleann atá idir na cnoic ó Ghóa go dtí Iásól agus druidfear é faoi mar a tharla tar éis an chreatha talún in aimsir Uiziá, rí Iúdá. Tiocfaidh an Tiarna, mo Dhia, ansin agus a chuid naomh go léir in éineacht leis.

[6] Acontecerá, naquele dia, que não haverá luz, mas frio e gelo.

[6]Ar an lá sin, ní bheidh aon solas ann ar dtús, ach fuacht agus sioc.

[7] Mas será um dia singular conhecido do SENHOR; não será nem dia nem noite, mas haverá luz à tarde.

[7]Ach lá ar leith a bheidh ann - mar is eol don Tiarna; óir, ní bheidh aon difríocht ann idir lá agus oíche, mar beidh solas ann san oíche.

[8] Naquele dia, também sucederá que correrão de Jerusalém águas vivas, metade delas para o mar oriental, e a outra metade, até ao mar ocidental; no verão e no inverno, sucederá isto.

[8]Ar an lá sin, sceithfidh uiscí beo amach as Iarúsailéim, leath amháin díobh i dtreo na farraige thoir agus an leath eile i dtreo na farraige thiar, ní amháin sa samhradh ach sa gheimhreadh chomh maith.

[9] O SENHOR será Rei sobre toda a terra; naquele dia, um só será o SENHOR, e um só será o seu nome.

[9]Agus beidh an Tiarna ina rí ar an domhan go léir; ar an lá sin, ní aithneofar ach an Tiarna amháin mar Dhia agus ní bheidh aon ainm eile in airde ach a ainmsean.

[10] Toda a terra se tornará como a planície de Geba a Rimom, ao sul de Jerusalém; esta será exaltada e habitada no seu lugar, desde a Porta de Benjamim até ao lugar da primeira porta, até à Porta da Esquina e desde a Torre de Hananel até aos lagares do rei.

[10]Déanfar machaire den dúiche go léir ó Gheaba go dtí Rimeon, áit atá laisteas de Iarúsailéim. Ach fanfaidh Iarúsailéim ina hionad ar na harda agus beidh daoine ina gcónaí inti ó Gheata Bhiniáimin go dtí an áit ina raibh an seangheata, is é sin, go dtí Geata an Choirnéil, agus ó Thúr Hananael go dtí cantaoireacha fíona an rí.

[11] Habitarão nela, e já não haverá maldição, e Jerusalém habitará segura.

[11]Ní dhéanfar scrios uirthi níos mó agus beidh daoine ina gcónaí in Iarúsailéim faoi shíocháin.

[12] Esta será a praga com que o SENHOR ferirá a todos os povos que guerrearem contra Jerusalém: a sua carne se

[12]Ach maidir leis na ciníocha uile a bheidh tar éis cogadh a chur ar Iarúsailéim, is í seo an phlá lena mbuailfidh an Tiarna iad:

apodrecerá, estando eles de pé, apodrecer-se-lhes-ão os olhos nas suas órbitas, e lhes apodrecerá a língua na boca.

lobhfaidh a gcuid feola orthu, fiú amháin agus iad ina seasamh ar a gcosa; morgfaidh a súile ina logaill agus dreofaidh a dteanga ina mbéal.

13 Naquele dia, também haverá da parte do SENHOR grande confusão entre eles; cada um agarrará a mão do seu próximo, cada um levantará a mão contra o seu próximo.

13Ar an lá sin, cuirfidh an Tianna scaoll orthu. Béarfaidh gach duine greim láimhe ar a chomharsa agus ardóidh siad a lámha in aghaidh a chéile.

14 Também Judá pelejará em Jerusalém; e se ajuntarão as riquezas de todas as nações circunvizinhas, ouro, prata e vestes em grande abundância.

14Beidh Iúdá féin ag troid in Iarúsaléim agus cruinneofar le chéile saibhreas náisiúin uile na comharsanachta: ór agus airgead agus éadaí, go flúirseach fairsing.

15 Como esta praga, assim será a praga dos cavalos, dos mulos, dos camelos, dos jumentos e de todos os animais que estiverem naqueles arraiais.

15Agus an phlá a bhuailfidh na capaill agus na miúileanna agus na camaill agus gach beithíoch eile sna campaí seo, beidh sí cosúil leis an bplá eile úd.

A glória futura da cidade de Deus

16 Todos os que restarem de todas as nações que vieram contra Jerusalém subirão de ano em ano para adorar o Rei, o SENHOR dos Exércitos, e para celebrar a Festa dos Tabernáculos.

16Gach bliain tiocfaidh iarmhar na náisiún a rinne ionsaí ar Iarúsailéim chun an Tiarna, Rí na Slua, a adhradh agus chun féile na dTaibearnacal a cheiliúradh.

17 Se alguma das famílias da terra não subir a Jerusalém, para adorar o Rei, o SENHOR dos Exércitos, não virá sobre ela a chuva.

17Má bhíonn ceann ar bith de chlanna an domhain ann nach rachaidh suas go Iarúsailéim chun an Tiarna, Rí na Slua, a adhradh, ní thitfidh aon bháisteach orthu.

18 Se a família dos egípcios não subir, nem vier, não cairá sobre eles a chuva; virá a praga com que o SENHOR ferirá as nações que não subirem a celebrar a Festa dos Tabernáculos.

18Mura dtagann muintir na hÉigipte suas chun dul isteach inti, titfidh an phlá sin orthu lenar bhuail an Tiarna na náisiúin (nár tháinig suas chun féile na dTaibearnacal a cheiliúradh).

19 Este será o castigo dos egípcios e o castigo de todas as nações que não subirem a celebrar a Festa dos Tabernáculos.

19Sin é an pionós a chuirfear ar an Éigipt agus ar na náisiúin go léir nach dtiocfaidh suas chun féile na dTaibearnacal a cheiliúradh.

[20] Naquele dia, será gravado nas campainhas dos cavalos: Santo ao SENHOR; e as panelas da Casa do SENHOR serão como as bacias diante do altar;

[21] sim, todas as panelas em Jerusalém e Judá serão santas ao SENHOR dos Exércitos; todos os que oferecerem sacrifícios virão, lançarão mão delas e nelas cozerão a carne do sacrifício. Naquele dia, já não haverá mercador na Casa do SENHOR dos Exércitos.

[20]Ar an lá sin, beidh "Coisricthe don Tiarna" greanta ar chloig na gcapall; agus beidh na potaí cócaireachta atá i dTeampall an Tiarna ar aon chéim leis na babhlaí croite atá os comhair na haltóra.

[21]Thairis sin, beidh gach pota cócaireachta atá in Iarúsailéim agus in Iúdá coisricthe do Thiarna na Slua. Na daoine go léir a ofrálann íobairtí, tiocfaidh siad agus tógfaidh siad iad le haghaidh na cócaireachta. Ansin ní bheidh aon trádálaí i dTeampall an Tiarna feasta.

Malaquias	Malaicí

Malaquias 1

O amor do Senhor por Jacó

[1] Sentença pronunciada pelo SENHOR contra Israel, por intermédio de Malaquias.

[2] Eu vos tenho amado, diz o SENHOR; mas vós dizeis: Em que nos tens amado? Não foi Esaú irmão de Jacó? – disse o SENHOR; todavia, amei a Jacó,

[3] porém aborreci a Esaú; e fiz dos seus montes uma assolação e dei a sua herança aos chacais do deserto.

[4] Se Edom diz: Fomos destruídos, porém tornaremos a edificar as ruínas, então, diz o SENHOR dos Exércitos: Eles edificarão, mas eu destruirei; e Edom será chamado Terra-De-Perversidade e Povo-Contra-Quem-O-SENHOR-Está-Irado-Para-Sempre.

[5] Os vossos olhos o verão, e vós direis: Grande é o SENHOR também fora dos limites de Israel.

O Senhor reprova os sacerdotes

[6] O filho honra o pai, e o servo, ao seu senhor. Se eu sou pai, onde está a minha honra? E, se eu sou senhor, onde está o respeito para comigo? – diz o SENHOR dos Exércitos a vós outros, ó sacerdotes que desprezais o meu nome. Vós dizeis: Em que desprezamos nós o teu nome?

Malaicí 1

Grá d'Iosrael, Col le hEadóm ag an Tiarna

[1]Oracal. Briathar an Tiarna d'Iosrael trí bhéal Mhalaicí.

[2]“Tá grá agam daoibh,” a deir an Tiarna; ach deir sibhse: “Conas a ghráíonn tú sinn?” “Nach é Éasau dearthár Iacóib?” a deir an Tiarna. “Mar sin féin, tá grá agam do Iacób;

[3]agus tá col agam le hÉasau. Sin é fáth a ndearna mé díthreabh dá shléibhte agus fásach leathan dá oidhreacht.”

[4]Má deir Eadóm: “Scriosadh sinn ach atógfaimid na fothraigh,” is é a deir Tiarna na Slua: “Tógaidís iad ach leagfaidh mise ar lár arís iad. Glaofar orthu ‘Dúiche an oilc’ agus ‘An cine a bhfuil an Tiarna i bhfeirg leis de shíor’.”

[5]Feicfidh bhur súile cinn féin é seo agus déarfaidh sibh: “Is tréan é an Tiarna, fiú lasmuigh de theorainn Iosrael.”

Daortar Drochshagairt

[6]“Tugann an mac ómós dá athair agus bíonn an seirbhíseach urramach dá mháistir. Mar sin de, más athair mé, cá bhfuil an t-ómós is dleacht dom? Más máistir mé, cá bhfuil an urraim is dlite dom? Sin mar a labhraíonn Tiarna na Slua libhse, a shagarta, a mhaslaíonn m'ainm. Fiafraíonn sibhse de, áfach, ‘Conas a mhaslaíomar d'ainm? ’

[7] Ofereceis sobre o meu altar pão imundo e ainda perguntais: Em que te havemos profanado? Nisto, que pensais: A mesa do SENHOR é desprezível.

[8] Quando trazeis animal cego para o sacrificardes, não é isso mal? E, quando trazeis o coxo ou o enfermo, não é isso mal? Ora, apresenta-o ao teu governador; acaso, terá ele agrado em ti e te será favorável? – diz o SENHOR dos Exércitos.

[9] Agora, pois, suplicai o favor de Deus, que nos conceda a sua graça; mas, com tais ofertas nas vossas mãos, aceitará ele a vossa pessoa? – diz o SENHOR dos Exércitos.

[10] Tomara houvesse entre vós quem feche as portas, para que não acendêsseis, debalde, o fogo do meu altar. Eu não tenho prazer em vós, diz o SENHOR dos Exércitos, nem aceitarei da vossa mão a oferta.

[11] Mas, desde o nascente do sol até ao poente, é grande entre as nações o meu nome; e em todo lugar lhe é queimado incenso e trazidas ofertas puras, porque o meu nome é grande entre as nações, diz o SENHOR dos Exércitos.

[12] Mas vós o profanais, quando dizeis: A mesa do SENHOR é imunda, e o que nela se oferece, isto é, a sua comida, é desprezível.

[7]Trí arán truaillithe a ofráil ar m'altóir! Athfhiafraíonn sibhse ansin: ‘Conas a thruaillíomar thú? ’ Trína rá go bhfuil bord an Tiarna inmhaslaithe!

[8]Nuair is ainmhí dall a ofrálann sibh ina íobairt dom, nach olc an mhaise daoibh é? Nuair a ofrálann sibh beithíoch atá bacach breoite dom, nach olc an mhaise daoibh é sin chomh maith? Tairg do do ghobharnóir é. An mbeidh sé sásta leat? Nó, an bhfáilteoidh sé romhat go caoin? a deir Tiarna na Slua.

[9]Is ea, mhuise, iarraigí fabhar ar Dhia anois i dtreo go ndéanfaidh sé trócaire orainn! Ach - más sibhse a rinne an rud seo - an bhfáilteoidh sé romhaibh go caoin? a deir Tiarna na Slua.

[10]“Faraor géar nach bhfuil duine ar bith in bhur measc a dhúnfadh doirse an Teampaill ionas nach lasfadh sibh tine gan toradh ar m'altóir. Níl mé sásta libh ar aon chor, a deir Tiarna na Slua; agus ní mó ná sin a ghlacfaidh mé le haon íobairt ó bhur lámhasa.

[11]Óir, ó éirí go luí na gréine is mór é m'ainm i measc na náisiún agus i ngach áit dóitear íobairt do m'ainm - toirbhirt ghlan; mar is mór é m'ainm i measc na náisiún, a deir Tiarna na Slua.

[12]Ach tá sibhse tar éis é a thruailliú, trína rá: ‘Tá bord Dé inmhaslaithe; is díol tarcaisne an bia a leagtar air.’

[13] E dizeis ainda: Que canseira! E me desprezais, diz o SENHOR dos Exércitos; vós ofereceis o dilacerado, e o coxo, e o enfermo; assim fazeis a oferta. Aceitaria eu isso da vossa mão? – diz o SENHOR.

[13]‘A leithéid de chrá croí, ’ a deir sibh, agus cuireann sibh cor in bhur srón chuige go dímheasúil, a deir Tiarna na Slua. Tugann sibh ainmhí éigin chugamsa, bíodh sé bacach nó breoite, agus ofrálann sibh domsa é mar íobairt. An é go gcaithfidh mé glacadh lena leithéid sin uaibhse? a deir an Tiarna.

[14] Pois maldito seja o enganador, que, tendo um animal sadio no seu rebanho, promete e oferece ao SENHOR um defeituoso; porque eu sou grande Rei, diz o SENHOR dos Exércitos, o meu nome é terrível entre as nações.

[14]Mallacht ar an gcluanaí a bhfuil ainmhí fireann folláin ina thréad aige agus, tar éis dó móid a dhéanamh, nach n-ofrálann don Tiarna ach ceann spochta. Óir, is Ardrí mise, a deir Tiarna na Slua, agus is uaimhneach m'ainm i measc na náisiún.

Malaquias 2

O castigo dos sacerdotes

[1] Agora, ó sacerdotes, para vós outros é este mandamento.

[2] Se o não ouvirdes e se não propuserdes no vosso coração dar honra ao meu nome, diz o SENHOR dos Exércitos, enviarei sobre vós a maldição e amaldiçoarei as vossas bênçãos; já as tenho amaldiçoado, porque vós não propondes isso no coração.

[3] Eis que vos reprovarei a descendência, atirarei excremento ao vosso rosto, excremento dos vossos sacrifícios, e para junto deste sereis levados.

[4] Então, sabereis que eu vos enviei este mandamento, para que a minha aliança continue com Levi, diz o SENHOR dos Exércitos.

Malaicí 2

[1]“Anois, a shagarta, is in bhur n-aghaidhse an bhreith seo:

[2]Mura n-éisteann sibh liom agus féachaint chuige go dtabharfaidh sibh glóir do m'ainm, a deir Tiarna na Slua, mallóidh mé sibh sa chaoi go ndéanfar mallacht de gach ceann de bhur mbeannachtaí. Is ea, táim tar éis iad a mhallú cheana féin toisc nach bhféachann sibh chuige sin chor ar bith.

[3]Féach! Táim chun bhur sliocht a dhísciú; caithfidh mé cac san aghaidh oraibh - cac bhur bhféilte sollúnta féin - agus tógfar sibhse chun siúil mar aon leis.

[4]Beidh a fhios agaibh ansin gur mise a thug an bhreith seo in bhur n-aghaidh ionas nach seasfadh an conradh a rinne mé le Léiví níos mó, a deir Tiarna na Slua.

[5] Minha aliança com ele foi de vida e de paz; ambas lhe dei eu para que me temesse; com efeito, ele me temeu e tremeu por causa do meu nome.

[6] A verdadeira instrução esteve na sua boca, e a injustiça não se achou nos seus lábios; andou comigo em paz e em retidão e da iniqüidade apartou a muitos.

[7] Porque os lábios do sacerdote devem guardar o conhecimento, e da sua boca devem os homens procurar a instrução, porque ele é mensageiro do SENHOR dos Exércitos.

[8] Mas vós vos tendes desviado do caminho e, por vossa instrução, tendes feito tropeçar a muitos; violastes a aliança de Levi, diz o SENHOR dos Exércitos.

[9] Por isso, também eu vos fiz desprezíveis e indignos diante de todo o povo, visto que não guardastes os meus caminhos e vos mostrastes parciais no aplicardes a lei.

Advertência contra a infidelidade conjugal

[10] Não temos nós todos o mesmo Pai? Não nos criou o mesmo Deus? Por que seremos desleais uns para com os outros, profanando a aliança de nossos pais?

[11] Judá tem sido desleal, e abominação se tem cometido em Israel e em Jerusalém; porque Judá profanou o santuário do SENHOR, o qual ele ama, e se casou com adoradora de deus estranho.

[5]Conradh beatha agus síochána a rinne mé leis, mar bhronn mé air iad mar aon le croí urramach ionas go dtabharfadh sé urraim dom agus go nglacfadh uamhan agus uafás é roimh m'ainm.

[6]Bhíodh fíortheagasc ina bhéal aige agus ní fhaightí bréag ar a bheola; shiúladh sé i mo chuideachta go hionraic cóir agus d'iompaíodh sé mórán daoine ón olc.

[7]Óir is é dualgas bheola an tsagairt é an t-eolas a choimeád go cruinn agus is óna bhéalsan a chaithfear teagasc a lorg, mar is é teachtaire Thiarna na Slua é.

[8]“Ach i dtaca libhse de, d'imigh sibh ar fán ón mbealach ceart; bhí sibh in bhur gceap tuisle do mhórán daoine de dheasca bhur ndrochtheagaisc, agus chuir sibh ar neamhní an conradh a bhí déanta agamsa le Léiví, a deir Tiarna na Slua.

[9]Mar sin de, déanaimse, ar mo shealsa, ceap tarcaisne agus drochmheasa díbhse i lathair an phobail uile, sa mhéid nár lean sibh mo bhealaí, agus go ndearna sibh leatrom in bhur mbreithiúnais.”

Daortar Póstaí Measctha agus an tIdirscaradh

[10]Nach é an t-aon athair amháin atá againn go léir? Nach é an t-aon Dia amháin a chruthaigh sinn? Cén fáth, mar sin, a ndéanaimid feall ar a chéile trí chonradh ár sinsear a shárú?

[11]Rinne Iúdá feall ar iontaoibh; rinneadh gníomh gráiniúil in Iosrael agus in Iarúsailéim; óir, tá Iúdá tar éis an Teampall is ionúin leis an Tiarna a

thruailliú trí bhean, a adhrann dia deoranta, a phósadh.

[12] O SENHOR eliminará das tendas de Jacó o homem que fizer tal, seja quem for, e o que apresenta ofertas ao SENHOR dos Exércitos.

[12]An té a dhéanann amhlaidh, nár fhága an Tiarna sliocht ná síol aige i mbothanna Iacóib, ná ina measc siúd a ofrálann íobairt do Thiarna na Slua.

[13] Ainda fazeis isto: cobris o altar do SENHOR de lágrimas, de choro e de gemidos, de sorte que ele já não olha para a oferta, nem a aceita com prazer da vossa mão.

[13]Seo rud eile atá sibh a dhéanamh: bánn sibh altóir an Tiarna le frasa deor - le caoineadh agus le cneadach - toisc nach dtugann sé aird ar bhith ar bhur n-ofráil agus nach nglacann sé go grástúil ó bhur lámha í níos mó.

[14] E perguntais: Por quê? Porque o SENHOR foi testemunha da aliança entre ti e a mulher da tua mocidade, com a qual tu foste desleal, sendo ela a tua companheira e a mulher da tua aliança.

[14]Fiafraíonn sibhse, áfach: “Cad chuige sin?” De bhrí go raibh an Tiarna ina fhinné idir tusa agus an bhean a bhí mar chéile agat ó d'óige, an bhean a bhfuil tú tar éis feall a dhéanamh uirthi ainneoin gurbh í do chara cléibh agus do chéile conartha í.

[15] Não fez o SENHOR um, mesmo que havendo nele um pouco de espírito? E por que somente um? Ele buscava a descendência que prometera. Portanto, cuidai de vós mesmos, e ninguém seja infiel para com a mulher da sua mocidade.

[15]Nach ndearna sé aon aonad amháin a bhfuil colainn agus spiorad fite fuaite ina chéile ann? Ach deir sibhse: “Céard eile atá á lorg ag [Dia] ach sliocht diaganta?” Mar sin de, coinnígí slán spiorad na beatha sin agaibh agus ná déanadh aon duine feall ar an mbean atá mar chéile aige óna óige.

[16] Porque o SENHOR, Deus de Israel, diz que odeia o repúdio e também aquele que cobre de violência as suas vestes, diz o SENHOR dos Exércitos; portanto, cuidai de vós mesmos e não sejais infiéis.

[16]Má chuireann fear a bhean chéile uaidh toisc gur gráin leis í, smearann sé a chuid éadaigh le foréigean; mar sin de, coinnígí slán spiorad na beatha sin agaibh agus ná bígí mídhílis, a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael.

A vinda do Senhor precedida pelo seu Anjo

[17] Enfadais o SENHOR com vossas palavras; e ainda dizeis: Em que o enfadamos? Nisto, que pensais: Qualquer

Lá an Tiarna

[17]Cuireann sibh tuirse ar an Tiarna le bhur gcaint. Deir sibh, áfach: “Conas a chuirimid tuirse air?” Trína rá: “Cibé ar

que faz o mal passa por bom aos olhos do SENHOR, e desses é que ele se agrada; ou: Onde está o Deus do juízo?

bith duine a dhéanann an t-olc, is dea-dhuine é i súile an Tiarna agus is orthu atá gean agus gnaoi aige"; nó: "Cá bhfuil Dia na córa?"

Malaquias 3

[1] Eis que eu envio o meu mensageiro, que preparará o caminho diante de mim; de repente, virá ao seu templo o SENHOR, a quem vós buscais, o Anjo da Aliança, a quem vós desejais; eis que ele vem, diz o SENHOR dos Exércitos.

[2] Mas quem poderá suportar o dia da sua vinda? E quem poderá subsistir quando ele aparecer? Porque ele é como o fogo do ourives e como a potassa dos lavandeiros. [3] Assentar-se-á como derretedor e purificador de prata; purificará os filhos de Levi e os refinará como ouro e como prata; eles trarão ao SENHOR justas ofertas.

[4] Então, a oferta de Judá e de Jerusalém será agradável ao SENHOR, como nos dias antigos e como nos primeiros anos.

[5] Chegar-me-ei a vós outros para juízo; serei testemunha veloz contra os feiticeiros, e contra os adúlteros, e contra os que juram falsamente, e contra os que defraudam o salário do jornaleiro, e oprimem a viúva e o órfão, e torcem o direito do estrangeiro, e não me temem, diz o SENHOR dos Exércitos.

Malaicí 3

[1]"Féach! Tá mo theachtaire á chur amach agam chun an bóthar a réiteach romham; agus an Tiarna atá á lorg agaibh, rachaidh sé isteach ina Theampall go tobann; agus aingeal an chonartha, a bhfuil sibh ag tnúth leis, tá sé ag teacht, a deir Tiarna na Slua.

[2]Ach cé a fhulaingeoidh lá a theachta? Cé a fhéadfaidh seasamh nuair a thaibhseoidh sé? Óir, is cuma é nó tine an athleádóra agus buac an úcaire.
[3]Suífidh sé síos mar athleádóir, agus mar ghlantóir airgid, agus glanfaidh sé clann mhac Léiví agus athleáfaidh sé iad mar ór nó mar airgead sa chaoi go mbeidh a dhíol d'íobróirí iontu ag an Tiarna.
[4]Ansin, beidh íobairt Iúdá agus Iarúsailéim taitneamhach leis an Tiarna faoi mar a bhí sí anallód, na blianta fada ó shin.
[5]Tiocfaidh mé chugaibh chun breithiúnas a thabhairt agus beidh mé i m'fhinné neamhbhalbh in aghaidh draoithe agus adhaltrach agus éitheoirí agus ina n-aghaidh siúd a dhéanann leatrom ar fhostaithe nó ar bhaintreacha nó ar dhílleachtaí agus ina n-aghaidh siúd chomh maith a sháraíonn cearta an choimhthígh a chónaíonn in bhur measc

agus gan eagla dá laghad orthu romhamsa, a deir Tiarna na Slua.

O roubo no tocante aos dízimos e às ofertas

6 Porque eu, o SENHOR, não mudo; por isso, vós, ó filhos de Jacó, não sois consumidos.

7 Desde os dias de vossos pais, vos desviastes dos meus estatutos e não os guardastes; tornai-vos para mim, e eu me tornarei para vós outros, diz o SENHOR dos Exércitos; mas vós dizeis: Em que havemos de tornar?

8 Roubará o homem a Deus? Todavia, vós me roubais e dizeis: Em que te roubamos? Nos dízimos e nas ofertas.

9 Com maldição sois amaldiçoados, porque a mim me roubais, vós, a nação toda.

10 Trazei todos os dízimos à casa do Tesouro, para que haja mantimento na minha casa; e provai-me nisto, diz o SENHOR dos Exércitos, se eu não vos abrir as janelas do céu e não derramar sobre vós bênção sem medida.

11 Por vossa causa, repreenderei o devorador, para que não vos consuma o fruto da terra; a vossa vide no campo não será estéril, diz o SENHOR dos Exércitos.

12 Todas as nações vos chamarão felizes, porque vós sereis uma terra deleitosa, diz o SENHOR dos Exércitos.

A diferença entre o justo e o perverso

Deachúna an Teampaill

6“Go deimhin ní thagann aon athrú ormsa, an Tiarna, riamh. Ach is sibhse clann mhac Iacóib i gcónaí!

7Riamh anall ó laethanta bhur sinsear thréig sibh mo reachtanna agus níor choimeád sibh iad ar aon chor. Filligí ormsa agus fillfidh mise oraibh, a deir Tiarna na Slua. Ach séard a deir sibhse: ‘Conas a fhillfimid? ’

8An bhféadfadh duine calaois a dhéanamh ar Dhia? Ach is amhlaidh a dhéanann sibhse calaois ormsa. Dá ainneoin sin deir sibh: ‘Conas a dhéanaimid calaois ort? ’ I gcúrsaí deachúna agus ofrálacha!

9Tá mallacht agus eascaine curtha oraibh toisc go ndéanann sibh, an pobal seo agaibhse ina iomláine, calaois orm.

10Tugaigí na deachúna go léir isteach sa stóras ionas go mbeidh soláthar bia i mo theachsa; agus cuirigí promhadh orm ar an gcuma sin, a deir Tiarna na Slua, féachaint an osclóidh mé fuinneoga neimhe daoibh chun beannachtaí a dhoirteadh anuas oraibh go flúirseach fial.

11Crosfaidh mé ar an lócaiste craosach bhur mbarra a mhilleadh oraibh agus an fhíniúin atá in bhur ngoirt a fhágáil neamhthorthúil, a deir Tiarna na Slua.

12Fógróidh na ciníocha go léir gur méanar daoibh toisc go ndéanfar tír thaitneamhach díbh, a deir Tiarna na Slua.

Pionós agus Luach Saothair Lá an Tiarna

[13] As vossas palavras foram duras para mim, diz o SENHOR; mas vós dizeis: Que temos falado contra ti?

[14] Vós dizeis: Inútil é servir a Deus; que nos aproveitou termos cuidado em guardar os seus preceitos e em andar de luto diante do SENHOR dos Exércitos?

[15] Ora, pois, nós reputamos por felizes os soberbos; também os que cometem impiedade prosperam, sim, eles tentam ao SENHOR e escapam.

[16] Então, os que temiam ao SENHOR falavam uns aos outros; o SENHOR atentava e ouvia; havia um memorial escrito diante dele para os que temem ao SENHOR e para os que se lembram do seu nome.

[17] Eles serão para mim particular tesouro, naquele dia que prepararei, diz o SENHOR dos Exércitos; poupá-los-ei como um homem poupa a seu filho que o serve.

[18] Então, vereis outra vez a diferença entre o justo e o perverso, entre o que serve a Deus e o que não o serve.

Malaquias 4

O sol da justiça e seu precursor

[13]“Is bearránach iad na briathra a labhraíonn sibh i m'aghaidh, a deir an Tiarna. Mar sin féin, fiafraíonn sibh: ‘Céard a dúramar i d'aghaidh? ’

[14]Deir sibh: ‘Is saothar in aisce dúinn seirbhís a dhéanamh do Dhia. Cén tairbhe dúinn é a aitheanta a chomhlíonadh agus siúl go dobrónach os comhair Thiarna na Slua?

[15]Tá an scéal sa chruth anois go gcaithfimid a rá gur méanar do scigirí, agus go mbíonn rath ar lucht déanta an oilc; is ea go deimhin, cuireann siad promhadh ar Dhia ach ní ghearrtar aon phionós orthu.’ ”

[16]Labhraíodh lucht adhartha an Tiarna le chéile ar an gcuma sin agus d'éist an Tiarna leo go hairdeallach. Ansin scríobhadh leabhar meabhráin os a chomhair ar son na ndaoine a thugann ómós dó agus a bhfuil ardmheas acu ar a ainm.

[17]“Ar an lá atá á reiteach agam beidh siad ina maoineach agam, a deir Tiarna na Slua, agus beidh trua agam dóibh faoi mar a bhíonn trua ag duine don mhac a bhíonn umhal dó.

[18]Ansin aithneoidh sibh aon uair amháin eile an difríocht atá idir an dea-dhuine agus an drochdhuine, idir an té a dhéanann seirbhís do Dhia agus an té nach ndéanann.

[1] Pois eis que vem o dia e arde como fornalha; todos os soberbos e todos os que cometem perversidade serão como o restolho; o dia que vem os abrasará, diz o SENHOR dos Exércitos, de sorte que não lhes deixará nem raiz nem ramo.

[2] Mas para vós outros que temeis o meu nome nascerá o sol da justiça, trazendo salvação nas suas asas; saireis e saltareis como bezerros soltos da estrebaria.

[3] Pisareis os perversos, porque se farão cinzas debaixo das plantas de vossos pés, naquele dia que prepararei, diz o SENHOR dos Exércitos.

[4] Lembrai-vos da Lei de Moisés, meu servo, a qual lhe prescrevi em Horebe para todo o Israel, a saber, estatutos e juízos.

[5] Eis que eu vos enviarei o profeta Elias, antes que venha o grande e terrível Dia do SENHOR;

[6] ele converterá o coração dos pais aos filhos e o coração dos filhos a seus pais, para que eu não venha e fira a terra com maldição.

[19] “Óir, féach, tá an lá ag teacht, agus é ar dearglasadh mar fhoirnéis, a mbeidh na scigirí uile agus lucht déanta an oilc go léir mar choinleach, agus ídeoidh an lá atá le teacht iad sa chaoi nach bhfágfaidh sé fréamh ná craobh acu, a deir Tiarna na Slua.

[20] Ach, maidir libhse, a thugann ómós do m'ainm, éireoidh oraibh grian na fíréantachta, a bhfuil íocshláinte ina gathanna aici, agus gluaisfidh sibh amach agus sibh ag pocléimneach mar ghamhna a scaoilfí amach as stábla.

[21] Satlóidh sibh ar dhrochdhaoine; is ea, beidh siad mar luaithreach faoi bhoinn bhur gcos ar an lá atá a réiteach agam, a deir Tiarna na Slua.

Comhlíon an Conradh

[22] “Coimeádaigí cuimhne ar dhlí Mhaois, mo sheirbhíseach; óir, is dó a thug mé dlíthe agus reachtanna ar Horaeb i gcomhair Iosrael go léir.

Misean Éilias

[23] “Féach! Tá sé beartaithe agam an fáidh, Éilias, a chur chugaibh sula dtiocfaidh lá mór scéiniúil an Tiarna.

[24] Iompóidh sé croí na n-aithreacha i leith a gclainne agus croí na clainne i leith a n-aithreacha ar eagla go dtiocfainn agus mallacht a chur ar an tír.”

NOVO TESTAMENTO
Português
Almeida Revista e Atualizada

TIOMNA NUA
Irlandês
Bíobla Naofa, 1981

O evangelho segundo Mateus

Mateus 1

A genealogia de Jesus Cristo
Lucas 3.23-38

1 Livro da genealogia de Jesus Cristo, filho de Davi, filho de Abraão.

2 Abraão gerou a Isaque; Isaque, a Jacó; Jacó, a Judá e a seus irmãos;

3 Judá gerou de Tamar a Perez e a Zera; Perez gerou a Esrom; Esrom, a Arão;

4 Arão gerou a Aminadabe; Aminadabe, a Naassom; Naassom, a Salmom;

5 Salmom gerou de Raabe a Boaz; este, de Rute, gerou a Obede; e Obede, a Jessé;

6 Jessé gerou ao rei Davi; e o rei Davi, a Salomão, da que fora mulher de Urias;

7 Salomão gerou a Roboão; Roboão, a Abias; Abias, a Asa;

8 Asa gerou a Josafá; Josafá, a Jorão; Jorão, a Uzias;

9 Uzias gerou a Jotão; Jotão, a Acaz; Acaz, a Ezequias;

10 Ezequias gerou a Manassés; Manassés, a Amom; Amom, a Josias;

11 Josias gerou a Jeconias e a seus irmãos, no tempo do exílio na Babilônia.

12 Depois do exílio na Babilônia, Jeconias gerou a Salatiel; e Salatiel, a Zorobabel;

13 Zorobabel gerou a Abiúde; Abiúde, a Eliaquim; Eliaquim, a Azor;

Matha

Matha 1

Íosa, Mac Dháiví...

1 Leabhar ghinealach Íosa Críost, mac Dháiví, mac Abrahám.

2 Ghin Abrahám Íosác; ghin Íosác Iacób; ghin Iacób Iúdá agus a dheartháireacha;

3 ghin Iúdá Fearas agus Zára ó Thámár; ghin Fearas Easróm; ghin Easróm Áram;

4 ghin Áram Aimineadab; ghin Aimineadab Náiseon; ghin Náiseon Salmón;

5 ghin Salmón Boaz ó Ráchab; ghin Boaz Ióibeid ó Rút; ghin Ióibeid Iseái;

6 ghin Iseái Dáiví rí. Ghin Dáiví Solamh ó bhean Úirías;

7 ghin Solamh Róbóam; ghin Róbóam Aibiá; ghin Aibiá Ásaf;

8 ghin Ásaf Iósáfat; ghin Iósáfat Iórám; ghin Iórám Ózáias;

9 ghin Ózáias Iótám; ghin Iótám Áchaz; ghin Áchaz Eizichias;

10 ghin Eizichias Manasaes; ghin Manasaes Amós; ghin Amós Iósáias;

11 ghin Iósáias Iachónáias agus a dheartháireacha le linn bhroid na Bablóine.

12 Tar éis bhroid na Bablóine, ghin Iachónáias Salaitiéil; ghin Salaitiéil Zoróbaibeil;

13 ghin Zoróbaibeil Aibiúd; ghin Aibiúd Eiliáicím; ghin Eiliáicím Azór;

[14] Azor gerou a Sadoque; Sadoque, a Aquim; Aquim, a Eliúde;
[15] Eliúde gerou a Eleazar; Eleazar, a Matã; Matã, a Jacó.
[16] E Jacó gerou a José, marido de Maria, da qual nasceu Jesus, que se chama o Cristo.
[17] De sorte que todas as gerações, desde Abraão até Davi, são catorze; desde Davi até ao exílio na Babilônia, catorze; e desde o exílio na Babilônia até Cristo, catorze.

[14]ghin Azór Sadóc; ghin Sadóc Aichím; ghin Aichím Eiliúd;
[15]ghin Eiliúd Eiliazar; ghin Eiliazar Matan; ghin Matan Iacób;
[16]ghin Iacób Iósaef, fear céile Mhuire ónar rugadh Íosa ar a dtugtar Críost.
[17]A bhfuil de ghlúine ann dá bhrí sin: ó Abrahám go dtí Dáiví, ceithre glúine déag; ó Dháiví go dtí broid na Bablóine, ceithre glúine déag; agus ó bhroid na Bablóine go dtí Críost, ceithre glúine déag.

...a Gabhadh ón Spiorad Naomh, a Rugadh ó Mhuire Ógh

[18] Ora, o nascimento de Jesus Cristo foi assim: estando Maria, sua mãe, desposada com José, sem que tivessem antes coabitado, achou-se grávida pelo Espírito Santo.

[18]Seo mar a tharla Íosa Críost a shaolú. Bhí Muire, a mháthair, luaite le Iósaef, agus sula ndearnadar aontíos, fuarthas torrach í ón Spiorad Naomh.

O nascimento de Jesus Cristo
Lucas 2.1-7

[19] Mas José, seu esposo, sendo justo e não a querendo infamar, resolveu deixá-la secretamente.
[20] Enquanto ponderava nestas coisas, eis que lhe apareceu, em sonho, um anjo do SENHOR, dizendo: José, filho de Davi, não temas receber Maria, tua mulher, porque o que nela foi gerado é do Espírito Santo.
[21] Ela dará à luz um filho e lhe porás o nome de Jesus, porque ele salvará o seu povo dos pecados deles.
[22] Ora, tudo isto aconteceu para que se cumprisse o que fora dito pelo SENHOR por intermédio do profeta:

[19]Ba dhuine cóir a fear céile Iósaef, ach níorbh áil leis go dtabharfaí míchlú di, agus chinn sé í a scaoileadh uaidh os íseal.
[20]Ag machnamh ar an méid sin dó, áfach, thaispeáin aingeal ón Tiarna é féin do i mbrionglóid agus dúirt: “A Iósaef, a mhic Dháiví, ná bíodh eagla ort do bhean chéile Muire a thabhairt abhaile leat, óir, an leanbh atá gafa aici, is ón Spiorad Naomh é.
[21]Béarfaidh sí mac, agus tabharfaidh tú Íosa mar ainm air, óir slánóidh sé a phobal óna bpeacaí.”
[22]Thit an méid sin go léir amach chun go gcomhlíonfaí a ndúirt an Tiarna tríd an bhfáidh:

[23] Eis que a virgem conceberá e dará à luz um filho, e ele será chamado pelo nome de Emanuel (que quer dizer: Deus conosco).

[24] Despertado José do sono, fez como lhe ordenara o anjo do SENHOR e recebeu sua mulher.

[25] Contudo, não a conheceu, enquanto ela não deu à luz um filho, a quem pôs o nome de Jesus.

Mateus 2

A visita dos magos

[1] Tendo Jesus nascido em Belém da Judéia, em dias do rei Herodes, eis que vieram uns magos do Oriente a Jerusalém.

[2] E perguntavam: Onde está o recém-nascido Rei dos judeus? Porque vimos a sua estrela no Oriente e viemos para adorá-lo.

[3] Tendo ouvido isso, alarmou-se o rei Herodes, e, com ele, toda a Jerusalém;

[4] então, convocando todos os principais sacerdotes e escribas do povo, indagava deles onde o Cristo deveria nascer.

[5] Em Belém da Judéia, responderam eles, porque assim está escrito por intermédio do profeta:

[6] E tu, Belém, terra de Judá, não és de modo algum a menor entre as principais de Judá; porque de ti sairá o Guia que há de apascentar a meu povo, Israel.

[23]“Beidh an mhaighdean torrach agus béarfaidh sí mac agus tabharfar Imeánuéil mar ainm air,” - ainm a chiallaíonn: Tá Dia linn.

[24]Dhúisigh Iósaef agus d'éirigh, agus rinne mar d'ordaigh aingeal an Tiarna dó:

[25] a bhean a thabhairt abhaile leis. Ach ní raibh cuid aige di nó gur rug sí mac, agus thug sé Íosa mar ainm air.

Matha 2

Na Saoithe Anoir

[1]Nuair a bhí Íosa saolaithe i mBeithil Iúdáia in aimsir Héaróid rí, tháinig saoithe ón aird thoir go dtí Iarúsailéim

[2]ag fiafraí: “Cá bhfuil an leanbh seo atá saolaithe, Rí na nGiúdach? Mar chonaiceamar a réalta ag éirí, agus thángamar ag déanamh ómóis dó.”

[3]Nuair a chuala Héaród rí an méid sin, bhí sé corraithe, agus Iarúsailéim go léir mar an gcéanna.

[4]Thionóil sé le chéile uachtaráin na sagart agus scríobhaithe an phobail, agus d'fhiafraigh díobh cén áit a raibh an Críost le saolú.

[5]D'inis siad dó: “I mBeithil Iúdáia: óir sin é atá sa scríbhinn ón bhfáidh:

[6]‘Thusa, a Bheithil, i dtalamh Iúdá, níl tú baol ar an té is lú i measc prionsaí Iúdá, óir is asat a thiocfaidh ceann urra a bheidh ina aoire ar mo phobalsa, Iosrael.’ ”

[7] Com isto, Herodes, tendo chamado secretamente os magos, inquiriu deles com precisão quanto ao tempo em que a estrela aparecera.

[7]Ansin chuir Héaród fios ar na saoithe os íseal agus fuair tuairisc uathu ar an am a bhfacthas an réalta.

[8] E, enviando-os a Belém, disse-lhes: Ide informar-vos cuidadosamente a respeito do menino; e, quando o tiverdes encontrado, avisai-me, para eu também ir adorá-lo.

[8]Chuir sé go Beithil iad ansin agus dúirt: "Imígí agus cuirigí fiafraí ghéar ar an leanbh. Nuair a bhíonn sé faighte agaibh, cuirigí scéala chugam chun go rachainn féin ann ag déanamh ómóis dó."

[9] Depois de ouvirem o rei, partiram; e eis que a estrela que viram no Oriente os precedia, até que, chegando, parou sobre onde estava o menino.

[9]Nuair a chuala siad caint an rí, d'imigh siad leo. Agus an réalta, a bhí feicthe acu roimhe sin ag éirí, ghluais sí rompu go dtí gur stad sí os cionn na háite ina raibh an leanbh.

[10] E, vendo eles a estrela, alegraram-se com grande e intenso júbilo.

[10]Nuair a chonaic siad an réalta, bhí áthas an-mhór orthu.

[11] Entrando na casa, viram o menino com Maria, sua mãe. Prostrando-se, o adoraram; e, abrindo os seus tesouros, entregaram-lhe suas ofertas: ouro, incenso e mirra.

[11]Agus ar dhul isteach sa teach dóibh, chonaic siad an leanbh le Muire a mháthair, agus d'umhlaigh siad go talamh ag déanamh ómóis dó. Agus d'oscail siad a gcistí agus d'ofráil siad tabhartais dó, ór agus túis agus miorra.

[12] Sendo por divina advertência prevenidos em sonho para não voltarem à presença de Herodes, regressaram por outro caminho a sua terra.

[12]Agus ó fuair siad foilsiú i mbrionglóid gan dul ar ais go dtí Héaród, ghabh siad bóthar eile abhaile chun a dtíre féin.

A fuga para o Egito

An Teitheadh don Éigipt -- Marú na Neamhchiontach

[13] Tendo eles partido, eis que apareceu um anjo do SENHOR a José, em sonho, e disse: Dispõe-te, toma o menino e sua mãe, foge para o Egito e permanece lá até que eu te avise; porque Herodes há de procurar o menino para o matar.

[13]Nuair a bhí siad imithe, thaispeáin aingeal ón Tiarna é féin i mbrionglóid do Iósaef agus dúirt: "Éirigh i do shuí, beir leat an leanbh agus a mháthair, agus teith don Éigipt, agus fan ann go n-insí mé duit, mar beidh Héaród ar thóir an linbh chun a mharaithe."

[14] Dispondo-se ele, tomou de noite o menino e sua mãe e partiu para o Egito;

[15] e lá ficou até à morte de Herodes, para que se cumprisse o que fora dito pelo SENHOR, por intermédio do profeta: Do Egito chamei o meu Filho.

A matança dos inocentes

[16] Vendo-se iludido pelos magos, enfureceu-se Herodes grandemente e mandou matar todos os meninos de Belém e de todos os seus arredores, de dois anos para baixo, conforme o tempo do qual com precisão se informara dos magos.

[17] Então, se cumpriu o que fora dito por intermédio do profeta Jeremias:

[18] Ouviu-se um clamor em Ramá, pranto, [choro] e grande lamento; era Raquel chorando por seus filhos e inconsolável porque não mais existem.

A volta do Egito

[19] Tendo Herodes morrido, eis que um anjo do SENHOR apareceu em sonho a José, no Egito, e disse-lhe:

[20] Dispõe-te, toma o menino e sua mãe e vai para a terra de Israel; porque já morreram os que atentavam contra a vida do menino.

[21] Dispôs-se ele, tomou o menino e sua mãe e regressou para a terra de Israel.

[22] Tendo, porém, ouvido que Arquelau reinava na Judéia em lugar de seu pai Herodes, temeu ir para lá; e, por divina

[14]Dhúisigh Iósaef agus d'éirigh, rug leis an leanbh agus a mháthair san oíche agus chuaigh don Éigipt,

[15]agus is ann a bhí sé go bhfuair Héaród bás: chun go gcomhlíonfaí a ndúirt an Tiarna tríd an bhfáidh: “As an Éigipt a ghlaoigh mé mo Mhac.”

[16]Ansin, nuair a chonaic Héaród go raibh na saoithe tar éis cleas a imirt air, tháinig fearg mhór air, agus chuir sé ordú amach na páistí uile a mharú i mBeithil agus sa chomharsanacht a bhí dhá bhliain nó níos lú, de réir tuairisc an ama a fuair sé ó na saoithe.

[17]An uair sin a comhlíonadh a ndúradh trí Irimia fáidh:

[18]“Chualathas glór i Rámá caoi agus iomad olagóin: Rachael ag caoineadh a clainne, agus nárbh áil léi sólás a ghlacadh mar nach bhfuil siad ann níos mó.”

Filleadh go Nazarat

[19]Nuair a fuair Héaród bás, thaispeáin aingeal ón Tiarna é féin i mbrionglóid do Iósaef san Éigipt

[20]agus dúirt: “Éirigh i do shuí, beir leat an leanbh agus a mháthair agus imigh go tír Iosrael, óir, an dream a bhí ar thóir anam an linbh, tá siad marbh.”

[21]Dhúisigh Iósaef agus d'éirigh, rug leis an leanbh agus a mháthair agus chuaigh go tír Iosrael.

[22]Chuala sé, áfach, go raibh Archalás ina rí ar Iúdáia in áit Héaróid a athair, agus bhí eagla air dul ann, ach tar éis dó foilsiú a

advertência prevenido em sonho, retirou-se para as regiões da Galiléia.

[23] E foi habitar numa cidade chamada Nazaré, para que se cumprisse o que fora dito por intermédio dos profetas: Ele será chamado Nazareno.

fháil i mbrionglóid, chuaigh sé go dtí ceantar na Gailíle

[23]agus chuir faoi i mbaile ar a dtugtar Nazarat; chun go gcomhlíonfaí a ndúradh trí na fáithe: “Tabharfar Nazórach air.”

Mateus 3

A pregação de João Batista

Marcos 1.2-6; Lucas 3.1-9

[1] Naqueles dias, apareceu João Batista pregando no deserto da Judéia e dizia:

[2] Arrependei-vos, porque está próximo o reino dos céus.

[3] Porque este é o referido por intermédio do profeta Isaías: Voz do que clama no deserto: Preparai o caminho do SENHOR, endireitai as suas veredas.

[4] Usava João vestes de pêlos de camelo e um cinto de couro; a sua alimentação eram gafanhotos e mel silvestre.

[5] Então, saíam a ter com ele Jerusalém, toda a Judéia e toda a circunvizinhança do Jordão;

[6] e eram por ele batizados no rio Jordão, confessando os seus pecados.

[7] Vendo ele, porém, que muitos fariseus e saduceus vinham ao batismo, disse-lhes: Raça de víboras, quem vos induziu a fugir da ira vindoura?

[8] Produzi, pois, frutos dignos de arrependimento;

[9] e não comeceis a dizer entre vós mesmos: Temos por pai a Abraão; porque eu vos afirmo que destas pedras Deus pode suscitar filhos a Abraão.

Matha 3

Eoin Baiste san Fhásach

[1]Sna laethanta sin, tháinig Eoin Baiste i láthair agus é ag seanmóir i bhfásach Iúdáia:

[2]“Déanaigí aithrí,” deireadh sé, “mar tá ríocht na bhflaitheas in achmaireacht.”

[3]Ag tagairt dó seo a bhí an chaint a dúirt Íseáia fáidh: “Glór duine ag éamh san fhásach: ‘Réitígí bóthar an Tiarna, déanaigí díreach a chasáin.’ ”

[4]Agus Eoin féin, bhí éadach de rón camaill air, agus crios leathair faoina choim, agus is é bia a bhíodh aige, lócaistí agus mil fhiáin.

[5]Ansin, bhí na daoine ag teacht amach chuige ó Iarúsailéim agus ó Iúdáia go léir agus ó cheantar uile na hIordáine,

[6]agus iad ag fáil bhaiste uaidh in abhainn na hIordáine ag admháil a bpeacaí.

[7]Nuair a chonaic sé mórán de na Fairisínigh agus de na Sadúcaigh ag teacht chun baisteadh chuige, dúirt sé leo: “A sceith na bpéisteanna, cé thug leid daoibhse teitheadh ón díbheirg atá le teacht?

[8]Tugaigí, más ea, toradh uaibh is dual don aithrí,

[9]agus nárab áil libh a rá libh féin: ‘Tá Abrahám mar athair againn, ’ óir deirim libh gur féidir le Dia clann a thógáil d'Abrahám as na clocha seo.

[10] Já está posto o machado à raiz das árvores; toda árvore, pois, que não produz bom fruto é cortada e lançada ao fogo.

João dá testemunho de Cristo

Marcos 1.7-8; Lucas 3.15-17; João 1.19-28

[11] Eu vos batizo com água, para arrependimento; mas aquele que vem depois de mim é mais poderoso do que eu, cujas sandálias não sou digno de levar. Ele vos batizará com o Espírito Santo e com fogo.

[12] A sua pá, ele a tem na mão e limpará completamente a sua eira; recolherá o seu trigo no celeiro, mas queimará a palha em fogo inextinguível.

O batismo de Jesus

Marcos 1.9-11; Lucas 3.21-22; João 1.32-34

[13] Por esse tempo, dirigiu-se Jesus da Galiléia para o Jordão, a fim de que João o batizasse.

[14] Ele, porém, o dissuadia, dizendo: Eu é que preciso ser batizado por ti, e tu vens a mim?

[15] Mas Jesus lhe respondeu: Deixa por enquanto, porque, assim, nos convém cumprir toda a justiça. Então, ele o admitiu.

[16] Batizado Jesus, saiu logo da água, e eis que se lhe abriram os céus, e viu o Espírito de Deus descendo como pomba, vindo sobre ele.

[17] E eis uma voz dos céus, que dizia: Este é o meu Filho amado, em quem me comprazo.

Mateus 4

[10]Anois féin, tá an tua le fréamh na gcrann, agus gach crann nach dtugann toradh fónta uaidh, gearrfar anuas agus caithfear sa tine é.

[11]Táimse do bhur mbaisteadh le huisce, i gcomhair na haithrí; ach an té atá ag teacht i mo dhiaidh is treise é ná mise, agus ní fiú mé a bhróga a bhaint de: baistfidh seisean sibh leis an Spiorad Naomh agus le tine.

[12]Tá a cháiteog ina láimh aige agus déanfaidh sé a láithreán buailte a léirghlanadh; cruinneoidh sé a chuid arbhair isteach sa scioból, ach dófaidh sé an lóchán le tine dhomhúchta."

[13]Tháinig Íosa i láthair ansin: ón nGailíl a tháinig, go dtí an Iordáin ag triall ar Eoin chun baisteadh a fháil uaidh.

[14]Ach bhí Eoin ag iarraidh é stop. "Is domsa is gá baisteadh a fháil uaitse," ar seisean, "agus an bhfuil tusa ag teacht chugamsa?"

[15]Dúirt Íosa leis á fhreagairt: "Lig dó anois: is mar seo is cuí dúinn an fhíréantacht a chur i gcrích go hiomlán." Lig sé dó ansin.

[16]An túisce is a baisteadh é, tháinig Íosa aníos as an uisce, agus osclaíodh na flaithis dó, agus chonaic sé Spiorad Dé ag teacht anuas mar a bheadh colm agus é ag tuirlingt air.

[17]Agus tháinig glór ó na flaithis a dúirt: "Is é seo mo Mhac muirneach dár thug mé gnaoi."

Matha 4

A tentação de Jesus
Marcos 1.12-13; Lucas 4.1-13

[1] A seguir, foi Jesus levado pelo Espírito ao deserto, para ser tentado pelo diabo.

[2] E, depois de jejuar quarenta dias e quarenta noites, teve fome.

[3] Então, o tentador, aproximando-se, lhe disse: Se és Filho de Deus, manda que estas pedras se transformem em pães.

[4] Jesus, porém, respondeu: Está escrito: Não só de pão viverá o homem, mas de toda palavra que procede da boca de Deus.

[5] Então, o diabo o levou à Cidade Santa, colocou-o sobre o pináculo do templo

[6] e lhe disse: Se és Filho de Deus, atira-te abaixo, porque está escrito: Aos seus anjos ordenará a teu respeito que te guardem; e: Eles te susterão nas suas mãos, para não tropeçares nalguma pedra.

[7] Respondeu-lhe Jesus: Também está escrito: Não tentarás o SENHOR, teu Deus.

[8] Levou-o ainda o diabo a um monte muito alto, mostrou-lhe todos os reinos do mundo e a glória deles

[9] e lhe disse: Tudo isto te darei se, prostrado, me adorares.

[10] Então, Jesus lhe ordenou: Retira-te, Satanás, porque está escrito: Ao SENHOR, teu Deus, adorarás, e só a ele darás culto.

[11] Com isto, o deixou o diabo, e eis que vieram anjos e o serviram.

Jesus volta para a Galileia
Marcos 1.14-15; Lucas 4.14-15

Íosa á Phromhadh ag Sátan

[1]Ansin, seoladh Íosa isteach san fhásach ag an Spiorad le promhadh ag an diabhal.

[2]Rinne sé troscadh ar feadh daichead lá agus daichead oíche, agus ina dhiaidh sin bhí ocras air.

[3]Tháinig an cathaitheoir ina aice agus dúirt: “Más tú Mac Dé, abair arán a dhéanamh de na clocha seo.”

[4]Dúirt sé á fhreagairt: “Tá sé scríofa: ‘Ní ar arán amháin a mhairfidh an duine, ach ar an uile fhocal a thagann as béal Dé.’ ”

[5]Rug an diabhal leis ansin é isteach sa chathair naofa agus chuir sé ar bhinn an Teampaill é

[6]agus dúirt leis: “Más tú Mac Dé, caith thú féin síos: óir tá sé scríofa: ‘Tabharfaidh sé ordú dá aingil i do thaobh agus iompróidh siad thú lena lámha, sula mbuailfeá do chos in aghaidh cloiche.’ ”

[7]Dúirt Íosa leis: “Tá sé scríofa freisin: ‘Ní bhainfidh tú triail as an Tiarna do Dhia.’ ”

[8]Rug an diabhal leis arís é faoi shliabh a bhí an-ard, thaispeáin dó ríochtaí uile an domhain agus a nglóir agus dúirt leis:

[9]“Tabharfaidh mé iad sin uile duit ach go n-umhlóidh tú síos do m'adhradh.”

[10]Dúirt Íosa leis ansin: “Imigh leat, a Shátain! óir tá sé scríofa: ‘Adharfaidh tú an Tiarna do Dhia, agus is dó amháin a bheidh tú ag seirbhís.’ ”

[11]Ansin d'fhág an diabhal é, agus tháinig na haingil chuige agus bhí siad ag freastal air.

Íosa i gCafarnáum -- Na Chéad Deisceabail

[12] Ouvindo, porém, Jesus que João fora preso, retirou-se para a Galiléia;
[13] e, deixando Nazaré, foi morar em Cafarnaum, situada à beira-mar, nos confins de Zebulom e Naftali;
[14] para que se cumprisse o que fora dito por intermédio do profeta Isaías:
[15] Terra de Zebulom, terra de Naftali, caminho do mar, além do Jordão, Galiléia dos gentios!
[16] O povo que jazia em trevas viu grande luz, e aos que viviam na região e sombra da morte resplandeceu-lhes a luz.
[17] Daí por diante, passou Jesus a pregar e a dizer: Arrependei-vos, porque está próximo o reino dos céus.

A vocação de discípulos

Marcos 1.16-20; Lucas 5.1-11

[18] Caminhando junto ao mar da Galiléia, viu dois irmãos, Simão, chamado Pedro, e André, que lançavam as redes ao mar, porque eram pescadores.
[19] E disse-lhes: Vinde após mim, e eu vos farei pescadores de homens.
[20] Então, eles deixaram imediatamente as redes e o seguiram.
[21] Passando adiante, viu outros dois irmãos, Tiago, filho de Zebedeu, e João, seu irmão, que estavam no barco em companhia de seu pai, consertando as redes; e chamou-os.
[22] Então, eles, no mesmo instante, deixando o barco e seu pai, o seguiram.

Jesus prega por toda a Galileia e cura muitos enfermos

Lucas 6.17-19

[12]Nuair a chuala sé go raibh Eoin tugtha ar láimh, chuaigh sé i leataobh go dtí an Ghailíl.
[13]D'fhág sé Nazarat agus chuir faoi i gCafarnáum cois na farraige, i gcríocha Zabúlun agus Naftáilím
[14]chun go gcomhlíonfaí a ndúradh trí Íseáia fáidh:
[15]"Talamh Zabúlun, talamh Naftáilím, bóthar na farraige, an taobh eile den Iordáin, Gailíl na gciníocha,
[16]an pobal a bhí ina suí sa dorchadas, chonaic siad solas mór, an mhuintir a chónaigh i dtír scáilmhear an bháis, d'éirigh solas chucu."
[17]Ón am sin amach, thosaigh Íosa ag seanmóir agus ag rá: "Déanaigí aithrí, mar tá ríocht na bhflaitheas in achmaireacht."
[18]Ag siúl dó cois farraige na Gailíle, chonaic sé beirt dearthár, Síomón ar a dtugtar Peadar agus Aindrias a dheartháir, ag caitheamh eangacha san fharraige, mar iascairí a bhí iontu.
[19]Labhair sé leo: "Tagaigí i mo dhiaidh, agus déanfaidh mé iascairí ar dhaoine díbh."
[20]D'fhág siad na líonta láithreach agus lean siad é.
[21]Bhuail sé ar aghaidh, agus chonaic sé beirt dearthár eile, Séamas mac Zeibidé agus Eoin a dheartháir: bhí siad sa bhád in éineacht lena n-athair, Zeibidé, ag cóiriú a gcuid líonta; agus ghlaoigh sé iad.
[22]D'fhág siad an bád agus a n-athair láithreach agus lean siad é.

[23] Percorria Jesus toda a Galiléia, ensinando nas sinagogas, pregando o evangelho do reino e curando toda sorte de doenças e enfermidades entre o povo.

[24] E a sua fama correu por toda a Síria; trouxeram-lhe, então, todos os doentes, acometidos de várias enfermidades e tormentos: endemoninhados, lunáticos e paralíticos. E ele os curou.

[25] E da Galiléia, Decápolis, Jerusalém, Judéia e dalém do Jordão numerosas multidões o seguiam.

[23]Agus ghabh Íosa ar fud na Gailíle go léir, ag teagasc sna sionagóga, ag fógairt dea-scéil na ríochta, agus ag leigheas gach galar agus gach éagruas i measc an phobail.

[24]Chuaigh a chlú ar fud na Síre go léir, agus tugadh cách a bhí tinn ó gach sort galair nó ag fulaingt piolóidí, daoine a raibh deamhain iontu, nó an titimeas orthu nó an phairilis, agus leigheas sé iad.

[25]Agus lean sluaite móra é ón nGailíl, ó Dheacapoil, ó Iarúsailéim, ó Iúdáia agus ó thar an Iordáin.

Mateus 5

O sermão do monte
As bem-aventuranças
Lucas 6.20-23

[1] Vendo Jesus as multidões, subiu ao monte, e, como se assentasse, aproximaram-se os seus discípulos;

[2] e ele passou a ensiná-los, dizendo:

[3] Bem-aventurados os humildes de espírito, porque deles é o reino dos céus.

[4] Bem-aventurados os que choram, porque serão consolados.

[5] Bem-aventurados os mansos, porque herdarão a terra.

[6] Bem-aventurados os que têm fome e sede de justiça, porque serão fartos.

[7] Bem-aventurados os misericordiosos, porque alcançarão misericórdia.

[8] Bem-aventurados os limpos de coração, porque verão a Deus.

[9] Bem-aventurados os pacificadores, porque serão chamados filhos de Deus.

Matha 5

An tSeanmóir ar an Sliabh: Na Biáide

[1]Nuair a chonaic sé na sluaite, chuaigh sé an sliabh suas. Shuigh sé síos agus tháinig a dheisceabail chuige.

[2]Thosaigh sé ag caint leo á dteagasc agus dúirt:

[3]“Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad, óir is leo ríocht na bhflaitheas.

[4]“Is méanar do lucht an dobróin, óir sólásófar iad.

[5]“Is méanar dóibh seo atá ceansa, óir gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht.

[6]“Is méanar dóibh seo a bhfuil ocras agus tart chun na fíréantachta orthu, óir sásófar iad.

[7]“Is méanar do lucht na trócaire, óir déanfar trócaire orthu.

[8]“Is méanar dóibh seo atá glan ó chroí, óir feicfidh siad Dia.

[9]“Is méanar do lucht síochána a dhéanamh, óir glaofar clann Dé orthu.

[10] Bem-aventurados os perseguidos por causa da justiça, porque deles é o reino dos céus.

[11] Bem-aventurados sois quando, por minha causa, vos injuriarem, e vos perseguirem, e, mentindo, disserem todo mal contra vós.

[12] Regozijai-vos e exultai, porque é grande o vosso galardão nos céus; pois assim perseguiram aos profetas que viveram antes de vós.

Os discípulos, o sal da terra

Marcos 9.49-50; Lucas 14.34-35

[13] Vós sois o sal da terra; ora, se o sal vier a ser insípido, como lhe restaurar o sabor? Para nada mais presta senão para, lançado fora, ser pisado pelos homens.

Os discípulos, a luz do mundo

[14] Vós sois a luz do mundo. Não se pode esconder a cidade edificada sobre um monte;

[15] nem se acende uma candeia para colocá-la debaixo do alqueire, mas no velador, e alumia a todos os que se encontram na casa.

[16] Assim brilhe também a vossa luz diante dos homens, para que vejam as vossas boas obras e glorifiquem a vosso Pai que está nos céus.

Jesus não veio revogar a Lei, mas cumprir

[17] Não penseis que vim revogar a Lei ou os Profetas; não vim para revogar, vim para cumprir.

[18] Porque em verdade vos digo: até que o céu e a terra passem, nem um i ou um til

[10]“Is méanar dóibh seo a d'fhulaing géarleanúint mar gheall ar an bhfíréantacht, óir is leo ríocht na bhflaitheas.

[11]“Is méanar daoibh féin nuair a thabharfar aithis daoibh agus a ghéarleanfar sibh, agus nuair a chuirfear gach sórt drochrud in bhur leith go bréagach mar gheall ormsa.

[12]“Bíodh áthas oraibh agus gairdeas, mar is mór é bhur dtuarastal ar neamh; óir is mar sin a rinneadh géarleanúint ar na fáithe a chuaigh romhaibh.

Feidhm na nDeisceabal sa Saol -- an Sean-Dlí agus an Dlí Nua

[13]“Is sibhse salann na talún. Ach má éiríonn an salann leamh, cad a dhéanfaidh goirt arís é? Níl tairbhe ann feasta chun rud ar bith, ach é a chaitheamh amach mar a ngabhfar de chosa ann.

[14]Is sibhse solas an domhain. Cathair ar mhullach cnoic ní féidir í a cheilt.

[15]Ná ní lastar lampa chun é a chur faoi bhéal na peice, ach in airde ar an gcrann solais mar a dtugann sé solas dá mbíonn sa teach.

[16]Sibhse mar an gcéanna, bíodh bhur solas ag taitneamh os comhair daoine chun go bhfeicfidís bhur ndeaghníomhartha agus go nglóireoidís bhur nAthair atá ar neamh.

[17]“Ná bígí ag ceapadh gur chun an dlí agus na fáithe a chur ar ceal a tháinig mé. Ní á gcur ar ceal a tháinig mé ach á gcur i gcrích.

[18]Óir deirim libh go fírinneach, is túisce a imeoidh neamh agus talamh ná mar a imeoidh

jamais passará da Lei, até que tudo se cumpra.

[19] Aquele, pois, que violar um destes mandamentos, posto que dos menores, e assim ensinar aos homens, será considerado mínimo no reino dos céus; aquele, porém, que os observar e ensinar, esse será considerado grande no reino dos céus.

[20] Porque vos digo que, se a vossa justiça não exceder em muito a dos escribas e fariseus, jamais entrareis no reino dos céus.

Jesus completa o que foi dito aos antigos
Do homicídio

[21] Ouvistes que foi dito aos antigos: Não matarás; e: Quem matar estará sujeito a julgamento.

[22] Eu, porém, vos digo que todo aquele que [sem motivo] se irar contra seu irmão estará sujeito a julgamento; e quem proferir um insulto a seu irmão estará sujeito a julgamento do tribunal; e quem lhe chamar: Tolo, estará sujeito ao inferno de fogo.

[23] Se, pois, ao trazeres ao altar a tua oferta, ali te lembrares de que teu irmão tem alguma coisa contra ti,

[24] deixa perante o altar a tua oferta, vai primeiro reconciliar-te com teu irmão; e, então, voltando, faze a tua oferta.

[25] Entra em acordo sem demora com o teu adversário, enquanto estás com ele a caminho, para que o adversário não te

aon litir ná aon ghiota den dlí gan gach aon ní a bheith tagtha i gcrích.

[19]Dá bhrí sin, an té a chuirfidh aon aithne ar ceal den chuid is lú de na haitheanta seo, agus a mhúinfidh do dhaoine eile an rud céanna a dhéanamh, measfar é sin ar an té is lú i ríocht na bhflaitheas. Ach an té a choimeádfaidh iad agus a mhúinfidh, measfar eisean ina dhuine mór i ríocht na bhflaitheas.

[20]Óir deirim libh, mura mbíonn barr fíréantachta agaibh ar a mbíonn ag na scríobhaithe agus ag na Fairisínigh, is cinnte nach rachaidh sibh isteach i ríocht na bhflaitheas.

An Cúigiú hAithne

[21]“Chuala sibh go ndúradh leis na sinsir: ‘Ná déan marú; agus má dhéanann duine marú beidh air freagairt ann don bhreithiúnas.’

[22]Ach is é a deirimse libh, duine ar bith a bhíonn i bhfeirg lena bhráthair, beidh air freagairt ann don bhreithiúnas, agus má deir aon duine lena bhráthair ‘Ceann baoth’, beidh air freagairt ann don tsainidrín; agus má deir sé ‘Amadán’ leis, beidh air freagairt ann i dtine ifrinn.

[23]Dá réir sin, má bhíonn tú ag tabhairt d'ofrála chun na haltóra agus go gcuimhneoidh tú ansin go bhfuil cúis ghearáin éigin ag do bhráthair ort,

[24]fág d'ofráil ansiúd os comhair na haltóra, imigh leat ar dtús agus déan síocháin le do bhráthair, agus tar ansin ag déanamh na hofrála.

[25]An duine a chúisíonn thú, tar chun réitigh leis gan mhoill agus tú ag gabháil na slí leis, le heagla go dtabharfadh fear do chúisithe suas

entregue ao juiz, o juiz, ao oficial de justiça, e sejas recolhido à prisão.

26 Em verdade te digo que não sairás dali, enquanto não pagares o último centavo.

Do adultério

27 Ouvistes que foi dito: Não adulterarás.

28 Eu, porém, vos digo: qualquer que olhar para uma mulher com intenção impura, no coração, já adulterou com ela.

29 Se o teu olho direito te faz tropeçar, arranca-o e lança-o de ti; pois te convém que se perca um dos teus membros, e não seja todo o teu corpo lançado no inferno.

30 E, se a tua mão direita te faz tropeçar, corta-a e lança-a de ti; pois te convém que se perca um dos teus membros, e não vá todo o teu corpo para o inferno.

31 Também foi dito: Aquele que repudiar sua mulher, dê-lhe carta de divórcio.

32 Eu, porém, vos digo: qualquer que repudiar sua mulher, exceto em caso de relações sexuais ilícitas, a expõe a tornar-se adúltera; e aquele que casar com a repudiada comete adultério.

Dos juramentos

33 Também ouvistes que foi dito aos antigos: Não jurarás falso, mas cumprirás rigorosamente para com o SENHOR os teus juramentos.

34 Eu, porém, vos digo: de modo algum jureis; nem pelo céu, por ser o trono de Deus;

don bhreitheamh thú, agus an breitheamh don phóilín, agus go gcuirfí i bpriosún thú.

26Deirim leat go fírinneach, ní thiocfaidh tú amach as sin go mbeidh an cianóigín deireanach díolta agat.

An tAdhaltranas agus an tIdirscaradh

27“Chuala sibh go ndúradh: ‘Ná déan adhaltranas.’

28Ach is é a deirimse libh, duine ar bith a bhreathnaíonn ar bhean le dúil inti, tá adhaltranas déanta aige léi cheana féin ina chroí.

29Más siocair pheaca duit do shúil dheas, srac amach í agus caith uait í, óir is fearr duit ball de do chorp a chailleadh ná do chorp ar fad a chaitheamh isteach in ifreann.

30Agus más siocair pheaca duit do lámh dheas, gearr anuas í agus caith uait í, óir is fearr duit ball de do chorp a chailleadh ná go rachadh do chorp ar fad isteach in ifreann.

31“Dúradh fós: ‘Má scaoileann duine a bhean uaidh tugadh sé litir idirscartha di.’

32Ach is é a deirimse libh, gach aon duine a scaoileann uaidh a bhean, taobh amuigh de chás an striapachais, ligeann sé le hadhaltranas í, agus duine ar bith a phósann bean a scaoileadh, déanann sé adhaltranas.

Sárú Mionn

33“Chuala sibh freisin go ndúradh leis na sinsir: ‘Ná sáraigh do mhionn; déan do mhionna a chomhlíonadh don Tiarna.’

34Ach is é a deirimse libh, gan mionn ar bith a thabhairt: gan a thabhairt dar neamh, óir is é ríchathaoir Dé é;

[35] nem pela terra, por ser estrado de seus pés; nem por Jerusalém, por ser cidade do grande Rei;

[36] nem jures pela tua cabeça, porque não podes tornar um cabelo branco ou preto.

[37] Seja, porém, a tua palavra: Sim, sim; não, não. O que disto passar vem do maligno.

Da vingança
Lucas 6.27-30

[38] Ouvistes que foi dito: Olho por olho, dente por dente.

[39] Eu, porém, vos digo: não resistais ao perverso; mas, a qualquer que te ferir na face direita, volta-lhe também a outra;

[40] e, ao que quer demandar contigo e tirar-te a túnica, deixa-lhe também a capa.

[41] Se alguém te obrigar a andar uma milha, vai com ele duas.

[42] Dá a quem te pede e não voltes as costas ao que deseja que lhe emprestes.

Do amor ao próximo
Lucas 6.32-36

[43] Ouvistes que foi dito: Amarás o teu próximo e odiarás o teu inimigo.

[44] Eu, porém, vos digo: amai os vossos inimigos e orai pelos que vos perseguem;

[45] para que vos torneis filhos do vosso Pai celeste, porque ele faz nascer o seu sol sobre maus e bons e vir chuvas sobre justos e injustos.

[35]ná dar an talamh, óir is é stól a chos é; ná dar Iarúsailéim, óir is í cathair an Rí mhóir í;

[36]ná mionnaigh dar do cheann ach chomh beag, mar ní féidir duit aon ribe amháin de a dhéanamh geal ná dubh.

[37]Is é amháin is ráite daoibh: 'Is ea, is ea.' 'Ní hea, ní hea.' Focal thar an méid sin, is ón Olc é!

Díoltas

[38]"Chuala sibh go ndúradh: 'Súil ar shúil, fiacail ar fhiacail.'

[39]Ach is é a deirimse libh gan seasamh in aghaidh an drochdhuine: ina ionad sin, an té a thugann buille sa leiceann dheas duit, iompaigh chuige an leiceann eile freisin;

[40]agus an té a chuirfeadh an dlí ort chun do léine a bhreith uait, scaoil leis do bhrat chomh maith.

[41]An té a chuireann d'fhiacha ort dul aon mhíle amháin leis, gabh leis an dá mhíle.

[42]An té a iarrann rud ort, tabhair dó é, agus an té arb áil leis iasacht uait, ná tabhair leis do chúl.

Grá do Naimhde

[43]"Chuala sibh go ndúradh: 'Bíodh grá agat do do chomharsa agus fuath agat do do namhaid.'

[44]Ach is é a deirimse libh, bíodh grá agaibh do bhur naimhde agus guígí ar son bhur ngéarleantóirí;

[45]sin mar a bheidh sibh in bhur gclann ag bhur nAthair atá ar neamh, a chuireann faoi deara dá ghrian éirí ar olc agus ar mhaith, agus a fhearann báisteach ar chóir agus ar mhíchóir.

46 Porque, se amardes os que vos amam, que recompensa tendes? Não fazem os publicanos também o mesmo?

47 E, se saudardes somente os vossos irmãos, que fazeis de mais? Não fazem os gentios também o mesmo?

48 Portanto, sede vós perfeitos como perfeito é o vosso Pai celeste.

Mateus 6

A prática da justiça

1 Guardai-vos de exercer a vossa justiça diante dos homens, com o fim de serdes vistos por eles; doutra sorte, não tereis galardão junto de vosso Pai celeste.

Como se deve dar esmolas

2 Quando, pois, deres esmola, não toques trombeta diante de ti, como fazem os hipócritas, nas sinagogas e nas ruas, para serem glorificados pelos homens. Em verdade vos digo que eles já receberam a recompensa.

3 Tu, porém, ao dares a esmola, ignore a tua mão esquerda o que faz a tua mão direita;

4 para que a tua esmola fique em secreto; e teu Pai, que vê em secreto, te recompensará.

Como se deve orar

5 E, quando orardes, não sereis como os hipócritas; porque gostam de orar em pé nas sinagogas e nos cantos das praças, para serem vistos dos homens. Em

46Óir, má thugann sibh grá dóibh seo a thugann grá daoibh, cad é an tuarastal atá ag dul daoibh? Nach ndéanann na poibleacánaigh féin an rud céanna?

47Agus mura mbeannaíonn sibh ach do bhur mbráithre amháin, an ndéanann sibh aon ní thar na bearta? Nach ndéanann na págánaigh féin an rud céanna?

48Bígí foirfe, dá bhrí sin, faoi mar atá bhur nAthair neamhaí foirfe.

Matha 6

Intinn Ghlan sa Déirc

1Aire daoibh gan bheith ag déanamh taibhsimh as bhur ndea-oibreacha os comhair daoine chun go dtabharfaidís faoi deara iad, óir má bhíonn sibh, beidh sibh gan tuarastal i láthair bhur nAthar atá ar neamh.

2“Nuair a bhíonn tú ag déanamh déirce, mar sin, ná cuir an trumpa á shéideadh romhat; sin mar a dhéanann na bréagchráifigh é sna sionagóga agus ar na sráideanna chun go mbeadh cách á moladh. Deirim libh go fírinneach, tá a dtuarastal faighte cheana féin acu.

3Ach tusa, ag déanamh déirce duit, ná bíodh a fhios ag do láimh chlé cad a dhéanann do lámh dheas,

4ach do dhéirc a bheith faoi choim. Feiceann d'Athair an beart faoi choim agus cúiteoidh sé leat.

Intinn Ghlan sa Ghuí

5“Mar an gcéanna nuair a bhíonn sibh ag guí, ná bígí ar nós na mbréagchráifeach, mar is breá leo siúd seasamh suas sna sionagóga nó ag cúinní na sráideanna agus guí a dhéanamh mar a mbeidh radharc ag cách orthu. Deirim

verdade vos digo que eles já receberam a recompensa.

[6] Tu, porém, quando orares, entra no teu quarto e, fechada a porta, orarás a teu Pai, que está em secreto; e teu Pai, que vê em secreto, te recompensará.

[7] E, orando, não useis de vãs repetições, como os gentios; porque presumem que pelo seu muito falar serão ouvidos.

[8] Não vos assemelheis, pois, a eles; porque Deus, o vosso Pai, sabe o de que tendes necessidade, antes que lho peçais.

A oração dominical

Lucas 11.2-4

[9] Portanto, vós orareis assim: Pai nosso, que estás nos céus, santificado seja o teu nome;

[10] venha o teu reino; faça-se a tua vontade, assim na terra como no céu;

[11] o pão nosso de cada dia dá-nos hoje;

[12] e perdoa-nos as nossas dívidas, assim como nós temos perdoado aos nossos devedores;

[13] e não nos deixes cair em tentação; mas livra-nos do mal [pois teu é o reino, o poder e a glória para sempre. Amém]!

[14] Porque, se perdoardes aos homens as suas ofensas, também vosso Pai celeste vos perdoará;

[15] se, porém, não perdoardes aos homens [as suas ofensas], tampouco vosso Pai vos perdoará as vossas ofensas.

[16] Quando jejuardes, não vos mostreis contristados como os hipócritas; porque

libh go fírinneach, tá a dtuarastal faighte cheana féin acu.

[6]Ach tusa, nuair a bhíonn tú chun guí, téigh isteach i do sheomra, dún an doras ort féin, agus guigh chun d'Athar atá ansiúd faoi choim. Feiceann d'Athair an beart faoi choim agus cúiteoidh sé leat.

[7]“Agus sa ghuí daoibh, ná déanaigí deilín de mar a dhéanann na páganaigh; samhlaíonn siad seo, dá mhéad a gcaint, gurb ea is dóichí go n-éistfear leo.

[8]Ná déanaigí aithris orthu; mar is eol do bhur nAthair na nithe a theastaíonn uaibh sula n-iarrann sibh air iad.

[9]Seo mar a dhéanfaidh sibhse guí: Ár nAthair, atá ar neamh, go naofar d'ainm;

[10]go dtaga do ríocht; go ndéantar do thoil ar an talamh mar a dhéantar ar neamh.

[11]Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu;

[12]agus maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin;

[13]agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc.

[14]Óir, má mhaitheann sibh a gcionta do chách, maithfidh bhur nAthair neamhaí daoibhse freisin.

[15]Ach mura maitheann sibhse do chách, ní mó a mhaithfidh bhur nAthair bhur gcionta daoibhse.

Intinn Ghlan sa Troscadh

[16]“Nuair a dhéanann sibh troscadh, ná bígí gruama mar a bhíonn na bréagchráifigh: milleann siad sin a gceannaithe chun go mba

desfiguram o rosto com o fim de parecer aos homens que jejuam. Em verdade vos digo que eles já receberam a recompensa.

Como jejuar

[17] Tu, porém, quando jejuares, unge a cabeça e lava o rosto,

[18] com o fim de não parecer aos homens que jejuas, e sim ao teu Pai, em secreto; e teu Pai, que vê em secreto, te recompensará.

Os tesouros no céu

[19] Não acumuleis para vós outros tesouros sobre a terra, onde a traça e a ferrugem corroem e onde ladrões escavam e roubam;

[20] mas ajuntai para vós outros tesouros no céu, onde traça nem ferrugem corrói, e onde ladrões não escavam, nem roubam;

[21] porque, onde está o teu tesouro, aí estará também o teu coração.

A luz e as trevas

Lucas 11.34-36

[22] São os olhos a lâmpada do corpo. Se os teus olhos forem bons, todo o teu corpo será luminoso;

[23] se, porém, os teus olhos forem maus, todo o teu corpo estará em trevas. Portanto, caso a luz que em ti há sejam trevas, que grandes trevas serão!

Os dois senhores

[24] Ninguém pode servir a dois senhores; porque ou há de aborrecer-se de um e amar ao outro, ou se devotará a um e desprezará ao outro. Não podeis servir a Deus e às riquezas.

A ansiosa solicitude pela vida

léir do chách iad a bheith ina dtroscadh. Deirim libh go fírinneach, tá a dtuarastal faighte cheana féin acu.

[17]Ach tusa, nuair a bhíonn tú ag déanamh troscaidh, cuir ola ar do cheann agus nigh d'aghaidh,

[18]agus ná bíodh a fhios ag daoine go bhfuil tú i do throscadh, ach beidh a fhios ag d'Athair atá i láthair faoi choim. Feiceann d'Athair an beart faoi choim agus cúiteoidh sé leat.

Ciste ar Neamh: Ciste ar Talamh

[19]“Ná cuirigí stór i dtaisce daoibh féin ar an talamh mar a mbíonn an leamhan agus an mheirg á mhilleadh agus na bithiúnaigh ag briseadh isteach á ghoid.

[20]Cuirigí stór i dtaisce daoibh féin ar neamh mar nach mbíonn leamhan ná meirg ann chun a mhillte, ná bithiúnaigh ann chun briseadh isteach á ghoid.

[21]Óir san áit a mbíonn do stór, is ann a bheidh do chroí freisin.

An Chríonnacht: An Ghuí Mhuiníneach

[22]“Is í an tsúil lampa an choirp. Má bhíonn do shúil slán, beidh do chorp ar fad solasmhar.

[23]Ach má bhíonn do shúil tinn, beidh do chorp ar fad sa dorchadas. Mar sin, má bhíonn an solas atá ionat ina dhorchadas, nach mór é an dorchadas é sin!

[24]“Ní féidir do dhuine ar bith dhá mháistir a riaradh; óir beidh fuath aige do dhuine acu agus grá aige don duine eile, nó beidh sé ag déanamh dúthrachta do dhuine acu agus ag déanamh neamhshuime den duine eile. Ní féidir daoibh Dia a riaradh agus an t-airgead.

[25] Por isso, vos digo: não andeis ansiosos pela vossa vida, quanto ao que haveis de comer ou beber; nem pelo vosso corpo, quanto ao que haveis de vestir. Não é a vida mais do que o alimento, e o corpo, mais do que as vestes?

[26] Observai as aves do céu: não semeiam, não colhem, nem ajuntam em celeiros; contudo, vosso Pai celeste as sustenta. Porventura, não valeis vós muito mais do que as aves?

[27] Qual de vós, por ansioso que esteja, pode acrescentar um côvado ao curso da sua vida?

[28] E por que andais ansiosos quanto ao vestuário? Considerai como crescem os lírios do campo: eles não trabalham, nem fiam.

[29] Eu, contudo, vos afirmo que nem Salomão, em toda a sua glória, se vestiu como qualquer deles.

[30] Ora, se Deus veste assim a erva do campo, que hoje existe e amanhã é lançada no forno, quanto mais a vós outros, homens de pequena fé?

[31] Portanto, não vos inquieteis, dizendo: Que comeremos? Que beberemos? Ou: Com que nos vestiremos?

[32] Porque os gentios é que procuram todas estas coisas; pois vosso Pai celeste sabe que necessitais de todas elas;

[33] buscai, pois, em primeiro lugar, o seu reino e a sua justiça, e todas estas coisas vos serão acrescentadas.

[25]“Sin é an fáth a ndeirim libh: ná bígí imníoch faoi bhur mbeatha i dtaobh bia nó dí, na faoi bhur gcorp i dtaobh éadaigh. Nach mó le rá an bheatha ná an bia agus an corp ná an t-éadach?

[26]“Féachaigí éanlaith an aeir: ní dhéanann siad síolchur ná fómhar ná cnuasach sna sciobóil, agus tugann bhur nAthair neamhaí bia dóibh. Nach mó is fiú sibhse ná iad sin?

[27]Cé agaibh a d'fhéadfadh, le bheith ag déanamh imní, aon bhanlámh amháin a chur le fad a shaoil?

[28]Agus cé an fáth a bhfuil sibh imníoch i dtaobh an éadaigh? Tugaigí faoi deara lilí an bháin, mar a fhásann siad; ní dhéanann siad saothar ná sníomh.

[29]Ach deirim libh nach raibh ar Sholamh féin, dá mhéad a ghlóir, cóir éadaigh mar atá ar cheann díobh seo.

[30]Lus an bháin a bhíonn ann inniu agus atá le caitheamh sa sorn amárach, má éadaíonn Dia mar sin é, nach móide go mór dó sibhse a éadú, a lucht an bheagán creidimh?

[31]Dá bhrí sin, ná bígí go himníoch ag fiafraí: ‘Cá bhfaighimid bia, nó deoch, nó éadach? ’

[32]Nithe iad siúd uile a mbíonn na págánaigh ar a dtóir; rud eile, tá a fhios ag bhur nAthair neamhaí go bhfuil gá agaibh leis na nithe sin uile.

[33]Ach déanaigí ríocht Dé agus a fhíréantacht a lorg ar dtús, agus tabharfar na nithe sin uile daoibh chomh maith.

[34] Portanto, não vos inquieteis com o dia de amanhã, pois o amanhã trará os seus cuidados; basta ao dia o seu próprio mal.

[34]Mar sin, ná bígí imníoch faoin lá amárach; beidh an lá amarach imníoch faoi féin. Is leor do gach lá a chuid féin den trioblóid.

Mateus 7

O juízo temerário é proibido
Lucas 6.37-38,41-42

[1] Não julgueis, para que não sejais julgados.

[2] Pois, com o critério com que julgardes, sereis julgados; e, com a medida com que tiverdes medido, vos medirão também.

[3] Por que vês tu o argueiro no olho de teu irmão, porém não reparas na trave que está no teu próprio?

[4] Ou como dirás a teu irmão: Deixa-me tirar o argueiro do teu olho, quando tens a trave no teu?

[5] Hipócrita! Tira primeiro a trave do teu olho e, então, verás claramente para tirar o argueiro do olho de teu irmão.

Não deis o que é santo aos cães

[6] Não deis aos cães o que é santo, nem lanceis ante os porcos as vossas pérolas, para que não as pisem com os pés e, voltando-se, vos dilacerem.

Jesus incita a orar
Lucas 11.9-13

[7] Pedi, e dar-se-vos-á; buscai e achareis; batei, e abrir-se-vos-á.

[8] Pois todo o que pede recebe; o que busca encontra; e, a quem bate, abrir-se-lhe-á.

[9] Ou qual dentre vós é o homem que, se porventura o filho lhe pedir pão, lhe dará pedra?

Matha 7

Ná Tugaigí Breith

[1]“Ná tugaigí breith le heagla go dtabharfaí breith oraibh;

[2]óir is de réir na breithe a thugann sibh a thabharfar breith oraibh, agus is de réir an tomhais lena dtomhaiseann sibh a thomhaisfear chugaibh.

[3]“Cén fáth a bhfeiceann tú an cáithnín i súil do bhráthar agus nach n-airíonn tú an tsail i do shúil féin?

[4]Nó cad a bheir duit a rá le do bhráthair: ‘Fan go mbainfidh mé an cáithnín as do shúil duit’; agus sin í an tsail i do shúil féin!

[5]A bhréagchráifigh, bain ar dtús an tsail as do shúil féin, agus ansin is fearrde a fheicfidh tú an cáithnín a bhaint as súil do bhráthar.

[6]“Ná tugaigí do na madraí an rud a bhíonn beannaithe, agus ná caithigí bhur gcuid péarlaí mar bhia chun na muc: satlóidh siad faoina gcrúba iad agus iompóidh siad oraibh féin do bhur réabadh.

[7]“Iarraigí, agus tabharfar daoibh; lorgaigí, agus gheobhaidh sibh; buailigí, agus osclófar daoibh.

[8]Óir, gach aon duine a iarrann, glacann, agus an té a lorgann, faigheann, agus an té a bhuaileann, osclófar dó.

[9]Nó cén duine agaibh a n-iarrfaidh a mhac arán air, agus ar cloch a shínfidh sé chuige?

[10] Ou, se lhe pedir um peixe, lhe dará uma cobra?

[11] Ora, se vós, que sois maus, sabeis dar boas dádivas aos vossos filhos, quanto mais vosso Pai, que está nos céus, dará boas coisas aos que lhe pedirem?

[12] Tudo quanto, pois, quereis que os homens vos façam, assim fazei-o vós também a eles; porque esta é a Lei e os Profetas.

As duas estradas

Lucas 13.24

[13] Entrai pela porta estreita (larga é a porta, e espaçoso, o caminho que conduz para a perdição, e são muitos os que entram por ela),

[14] porque estreita é a porta, e apertado, o caminho que conduz para a vida, e são poucos os que acertam com ela.

Os falsos profetas

[15] Acautelai-vos dos falsos profetas, que se vos apresentam disfarçados em ovelhas, mas por dentro são lobos roubadores.

[16] Pelos seus frutos os conhecereis. Colhem-se, porventura, uvas dos espinheiros ou figos dos abrolhos?

[17] Assim, toda árvore boa produz bons frutos, porém a árvore má produz frutos maus.

[18] Não pode a árvore boa produzir frutos maus, nem a árvore má produzir frutos bons.

[19] Toda árvore que não produz bom fruto é cortada e lançada ao fogo.

[10]Nó más iasc a iarrann, an sínfidh sé nathair nimhe chuige?

[11]Dá bhrí sin, más eol daoibhse, dá olcas sibh, nithe maithe a thabhairt do bhur gclann, nach móide go dtabharfaidh bhur nAthair atá ar neamh nithe maithe dóibh seo a iarrann air iad?

An Riail Órga: An Dá Bhóthar

[12]“Nithe ar bith ab áil libh daoine a dhéanamh daoibhse, déanaigí amhlaidh sin dóibh: sin é an dlí agus na fáithe.

[13]“Téigí isteach tríd an doras cúng, mar is fairsing an doras agus is leathan an bóthar a sheolann chun léirscriosta, agus tá mórán a ghabhann an tslí sin isteach.

[14]Ach is cúng an doras agus is caol an bóthar a sheolann chun na beatha, agus is iad an beagán a aimsíonn é.

Na Fáithe Bréige a Sheachaint

[15]“Seachnaígí na fáithe bréige a thagann chugaibh faoi chló caorach ach gur faolchúnna amplacha iad laistigh.

[16]Ar a dtorthaí a aithneoidh sibh iad. An mbaintear fíonchaora de dheilgneach, nó fígí d'fheochadáin?

[17]Sa chaoi chéanna, tugann gach crann maith torthaí fónta uaidh, ach tugann an drochchrann drochthorthaí.

[18]Ní féidir don chrann maith drochthorthaí a thabhairt, ná don drochchrann torthaí fónta a thabhairt.

[19]Gach crann nach dtugann toradh fónta uaidh, gearrtar anuas agus caitear sa tine é.

[20] Assim, pois, pelos seus frutos os conhecereis.

[21] Nem todo o que me diz: SENHOR, SENHOR! entrará no reino dos céus, mas aquele que faz a vontade de meu Pai, que está nos céus.

[22] Muitos, naquele dia, hão de dizer-me: SENHOR, SENHOR! Porventura, não temos nós profetizado em teu nome, e em teu nome não expelimos demônios, e em teu nome não fizemos muitos milagres?

[23] Então, lhes direi explicitamente: nunca vos conheci. Apartai-vos de mim, os que praticais a iniqüidade.

Os dois fundamentos

Lucas 6.46-49

[24] Todo aquele, pois, que ouve estas minhas palavras e as pratica será comparado a um homem prudente que edificou a sua casa sobre a rocha;

[25] e caiu a chuva, transbordaram os rios, sopraram os ventos e deram com ímpeto contra aquela casa, que não caiu, porque fora edificada sobre a rocha.

[26] E todo aquele que ouve estas minhas palavras e não as pratica será comparado a um homem insensato que edificou a sua casa sobre a areia;

[27] e caiu a chuva, transbordaram os rios, sopraram os ventos e deram com ímpeto contra aquela casa, e ela desabou, sendo grande a sua ruína.

O fim do sermão do monte

[28] Quando Jesus acabou de proferir estas palavras, estavam as multidões maravilhadas da sua doutrina;

[20]Agus dá réir sin, is ar a dtorthaí a aithneoidh sibh iad.

[21]“Ní hé gach aon duine a deir liom: ‘A Thiarna, a Thiarna! ’ a rachaidh isteach i ríocht na bhflaitheas, ach an té a dhéanann toil m'Athar atá ar neamh.

[22]Déarfaidh mórán liom an lá sin: ‘A Thiarna, a Thiarna, nach i d'ainmse a rinneamar tairngreacht, agus i d'ainm a chaitheamar amach na deamhain, agus fós nach i d'áinm a rinneamar mórán míorúiltí? ’

[23]Ansin déarfaidh mé go lom díreach leo: ‘Ní raibh aithne agam oraibh riamh. Imígí uaim, sibhse a dhéanann an t-olc! ’

[24]“Duine ar bith, mar sin, a chluineann na briathra seo a deirim agus a dhéanann dá réir, ní miste a chur i gcosúlacht le fear ciallmhar a thóg teach do féin ar an gcarraig:

[25]thit an bháisteach ansin agus tháinig na tuilte sléibhe agus shéid na gaotha, agus ghabh siad ar an teach sin, ach níor thit sé, mar bhí bonn carraige faoi.

An Focal Scoir

[26]“Ach duine ar bith a chluineann na briathra seo a deirim agus nach ndéanann dá réir, ní miste a chur i gcosúlacht le fear gan tuiscint a thóg teach dó féin ar an ngaineamh:

[27]thit an bháisteach ansin agus tháinig na tuilte sléibhe agus shéid na gaotha, agus bhuail siad an teach sin agus thit sé, agus ba mhór an titim í.”

[28]Nuair a bhí deireadh na cainte sin ráite ag Íosa, bhí ionadh ar na sluaite faoina theagasc;

[29] porque ele as ensinava como quem tem autoridade e não como os escribas.

[29]á dteagasc a bhí sé mar a bheadh duine a mbeadh údarás aige, níorbh ionann agus a scríobhaithe féin.

Mateus 8

A cura de um leproso
Marcos 1.40-44; Lucas 5.12-14

[1] Ora, descendo ele do monte, grandes multidões o seguiram.

[2] E eis que um leproso, tendo-se aproximado, adorou-o, dizendo: SENHOR, se quiseres, podes purificar-me.

[3] E Jesus, estendendo a mão, tocou-lhe, dizendo: Quero, fica limpo! E imediatamente ele ficou limpo da sua lepra.

[4] Disse-lhe, então, Jesus: Olha, não o digas a ninguém, mas vai mostrar-te ao sacerdote e fazer a oferta que Moisés ordenou, para servir de testemunho ao povo.

A cura do criado de um centurião
Lucas 7.1-10

[5] Tendo Jesus entrado em Cafarnaum, apresentou-se-lhe um centurião, implorando:

[6] SENHOR, o meu criado jaz em casa, de cama, paralítico, sofrendo horrivelmente.

[7] Jesus lhe disse: Eu irei curá-lo.

[8] Mas o centurião respondeu: SENHOR, não sou digno de que entres em minha casa; mas apenas manda com uma palavra, e o meu rapaz será curado.

[9] Pois também eu sou homem sujeito à autoridade, tenho soldados às minhas ordens e digo a este: vai, e ele vai; e a

Matha 8

Lobhar á Leigheas

[1]Tháinig sé anuas ón sliabh agus lean sluaite móra é.

[2]Agus tháinig lobhar chuige ag umhlú síos ina láthair agus dúirt: "A Thiarna, más áil leat é, is féidir duit mé a ghlanadh."

[3]Agus shín sé amach a lámh, agus bhain leis, ag rá: "Is áil, glantar thú"; agus leigheasadh ón lobhra é láithreach.

[4]Dúirt Íosa leis ansin: "Ná hinis do dhuine ar bith é, féach, ach imigh leat agus taispeáin don sagart thú féin, agus déan an ofráil a d'ordaigh Maois, mar fhianaise dóibh."

Giolla an Taoisigh Céad á Leigheas

[5]Tar éis dul isteach i gCafarnáum dó, tháinig taoiseach céad chuige ag achainí air:

[6]"A Thiarna," ar seisean, "tá mo ghiolla ina luí sa bhaile ina phairiliseach agus é á chrá go léanmhar."

[7]Dúirt Íosa leis: "Rachaidh mé ann á leigheas."

[8]Ach dúirt an taoiseach céad á fhreagairt: "A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá isteach faoi dhíon mo thí. Ná déan ach an focal a rá agus beidh mo ghiolla leigheasta.

[9]Óir is duine mé féin atá i mo ghearroifigeach agus tá saighdiúirí agam fúm, agus deirim leis seo: 'Imigh! ' agus imíonn, agus leis seo eile:

outro: vem, e ele vem; e ao meu servo: faze isto, e ele o faz.

10 Ouvindo isto, admirou-se Jesus e disse aos que o seguiam: Em verdade vos afirmo que nem mesmo em Israel achei fé como esta.

11 Digo-vos que muitos virão do Oriente e do Ocidente e tomarão lugares à mesa com Abraão, Isaque e Jacó no reino dos céus.

12 Ao passo que os filhos do reino serão lançados para fora, nas trevas; ali haverá choro e ranger de dentes.

13 Então, disse Jesus ao centurião: Vai-te, e seja feito conforme a tua fé. E, naquela mesma hora, o servo foi curado.

A cura da sogra de Pedro

Marcos 1.29-31; Lucas 4.38-39

14 Tendo Jesus chegado à casa de Pedro, viu a sogra deste acamada e ardendo em febre.

15 Mas Jesus tomou-a pela mão, e a febre a deixou. Ela se levantou e passou a servi-lo.

Muitas outras curas

Marcos 1.32-34; Lucas 4.40-41

16 Chegada a tarde, trouxeram-lhe muitos endemoninhados; e ele meramente com a palavra expeliu os espíritos e curou todos os que estavam doentes;

17 para que se cumprisse o que fora dito por intermédio do profeta Isaías: Ele mesmo tomou as nossas enfermidades e carregou com as nossas doenças.

Jesus põe à prova os que querem segui-lo

Lucas 9.57-62

‘Tar! ’ agus tagann, agus le mo sheirbhíseach: ‘Déan seo! ’ agus déanann.”

10Nuair a chuala Íosa é, bhí ionadh air, agus dúirt leo seo a bhí á leanúint: “Deirim libh go fírinneach, ní bhfuair mé a leithéid seo de chreideamh ag duine ar bith in Iosrael.

11Deirim libh, tiocfaidh mórán anoir agus aniar agus beidh siad ina súí chun boird le hAbrahám agus le hÍosác agus le Iacób i ríocht na bhflaitheas;

12ach clann na ríochta féin, caithfear amach sa dorchadas iad; is ann a bheidh gol agus díoscán fiacla.”

13Dúirt sé leis an taoiseach céad ansin: “Imigh leat; agus bíodh agat de réir mar a chreid tú.” Agus ar an nóiméad sin féin, leigheasadh an giolla.

Máthair Chéile Pheadair -- agus Mórán eile á Leigheas

14Ar dhul isteach i dteach Pheadair dó, chonaic Íosa máthair chéile Pheadair ina luí sa leaba agus an fiabhras uirthi.

15Chuir sé a lámh ar a láimh, d'fhág an fiabhras í, d'éirigh sí agus rinne sí freastal air.

16Nuair a bhí an tráthnóna ann, thug siad chuige mórán a raibh deamhain iontu, agus thiomáin sé na spioraid amach lena fhocal, agus iad seo uile a bhí tinn leigheas sé iad,

17chun go gcomhlíonfaí a ndúradh trí Íseáia fáidh: “Thóg sé ár n-éagruais, agus d'iompair sé ualach ár ngalar.”

Ní hAspal go Cruatan a Fhulaingt

[18] Vendo Jesus muita gente ao seu redor, ordenou que passassem para a outra margem.

[19] Então, aproximando-se dele um escriba, disse-lhe: Mestre, seguir-te-ei para onde quer que fores.

[20] Mas Jesus lhe respondeu: As raposas têm seus covis, e as aves do céu, ninhos; mas o Filho do Homem não tem onde reclinar a cabeça.

[21] E outro dos discípulos lhe disse: SENHOR, permite-me ir primeiro sepultar meu pai.

[22] Replicou-lhe, porém, Jesus: Segue-me, e deixa aos mortos o sepultar os seus próprios mortos.

Jesus acalma uma tempestade
Marcos 4.35-41; Lucas 8.22-25

[23] Então, entrando ele no barco, seus discípulos o seguiram.

[24] E eis que sobreveio no mar uma grande tempestade, de sorte que o barco era varrido pelas ondas. Entretanto, Jesus dormia.

[25] Mas os discípulos vieram acordá-lo, clamando: SENHOR, salva-nos! Perecemos!

[26] Perguntou-lhes, então, Jesus: Por que sois tímidos, homens de pequena fé? E, levantando-se, repreendeu os ventos e o mar; e fez-se grande bonança.

[27] E maravilharam-se os homens, dizendo: Quem é este que até os ventos e o mar lhe obedecem?

A cura de dois endemoninhados gadarenos
Marcos 5.1-20; Lucas 8.26-39

[18]Nuair a chonaic sé slua ina thimpeall, d'ordaigh Íosa dul go dtí an taobh thall.

[19]Tháinig scríobhaí chuige agus dúirt: “A Mháistir, leanfaidh mé thú cibé áit a rachaidh tú.”

[20]Dúirt Íosa leis: “Tá pruchóga ag na sionnaigh agus neadacha ag éanlaith an aeir, ach níl ag Mac an Duine áit ar a leagfadh sé a cheann.”

[21]Dúirt fear eile leis, duine de na deisceabail: “A Thiarna, bíodh cead agam dul ar dtús agus m'athair a adhlacadh.”

[22]Dúirt Íosa leis: “Lean mise, agus lig do na mairbh a mairbh a adhlacadh.”

Smacht ag Críost ar na Dúile

[23]Ansin chuaigh Íosa ar bord an bháid agus lean a dheisceabail é.

[24]Agus tháinig, go tobann, suaitheadh chomh mór sin san uisce go raibh an bád á mhúchadh ag na farraigí. Ach bhí sé féin ina chodladh.

[25]Agus tháinig siad chuige á mhúscailt ag rá: “A Thiarna, saor sinn, tá an bás againn!”

[26]Dúirt sé leo: “Cén fáth a bhfuil eagla oraibh, a lucht an bheagán creidimh?” D'éirigh sé ina sheasamh ansin agus bhagair sé ar na gaotha agus ar an bhfarraige, agus bhí sé ina théigle mhór.

[27]Bhí ionadh ar na fir agus deiridís: “Cén sórt duine é seo a rá go ndéanann na gaotha féin agus an fharraige rud air?”

Na Deamhnaígh Ghadairéanacha

[28] Tendo ele chegado à outra margem, à terra dos gadarenos, vieram-lhe ao encontro dois endemoninhados, saindo dentre os sepulcros, e a tal ponto furiosos, que ninguém podia passar por aquele caminho.

[29] E eis que gritaram: Que temos nós contigo, ó Filho de Deus! Vieste aqui atormentar-nos antes do tempo?

[30] Ora, andava pastando, não longe deles, uma grande manada de porcos.

[31] Então, os demônios lhe rogavam: Se nos expeles, manda-nos para a manada de porcos.

[32] Pois ide, ordenou-lhes Jesus. E eles, saindo, passaram para os porcos; e eis que toda a manada se precipitou, despenhadeiro abaixo, para dentro do mar, e nas águas pereceram.

[33] Fugiram os porqueiros e, chegando à cidade, contaram todas estas coisas e o que acontecera aos endemoninhados.

[34] Então, a cidade toda saiu para encontrar-se com Jesus; e, vendo-o, lhe rogaram que se retirasse da terra deles.

Mateus 9

A cura de um paralítico em Cafarnaum
Marcos 2.1-12; Lucas 5.17-26

[1] Entrando Jesus num barco, passou para o outro lado e foi para a sua própria cidade.

[2] E eis que lhe trouxeram um paralítico deitado num leito. Vendo-lhes a fé, Jesus disse ao paralítico: Tem bom ânimo, filho; estão perdoados os teus pecados.

[28]Nuair a bhí an taobh eile bainte amach aige, i dtír na nGadairéanach, tháinig faoina dhéin beirt a raibh deamhain iontu ag teacht amach as na tuamaí, agus iad chomh fiata sin nárbh fhéidir do dhuine ar bith an bóthar sin a ghabháil.

[29]Scread siad amach: “Cad ab áil leat dínn, a Mhic Dé? An é a thug anseo thú chun sinn a chrá roimh an uain?”

[30]Bhí, achar éigin uathu, tréad mór muc ar féarach,

[31]agus rinne na deamhain achainí air: “Má thiomáineann tú amach sinn, cuir isteach i dtréad na muc sinn.”

[32]Dúirt sé leo: “Amach libh.” Tháinig siad amach agus isteach leo sna muca, agus seo an tréad ar fad ina ruathar le fána isteach san fharraige gur cailleadh san uisce iad.

[33]Theith na mucaithe, chuaigh siad isteach sa chathair agus d'inis siad an scéal ar fad agus mar gheall ar na deamhnaígh.

[34]Agus seo amach muintir na cathrach go léir in airicis Íosa; ach nuair a chonaic siad é, d'iarr siad air a gceantar féin a fhágáil.

Matha 9

Pairiliseach á Leigheas

[1]Ar dhul ar bord dó, chuaigh sé trasna agus tháinig isteach ina chathair féin.

[2]Tugadh pairiliseach chuige ina luí ar leaba. Nuair a chonaic Íosa an creideamh a bhí acu, dúirt sé leis an bpairiliseach: “Bíodh misneach agat, a mhic! tá do pheacaí maite.”

[3] Mas alguns escribas diziam consigo: Este blasfema.

[4] Jesus, porém, conhecendo-lhes os pensamentos, disse: Por que cogitais o mal no vosso coração?

[5] Pois qual é mais fácil? Dizer: Estão perdoados os teus pecados, ou dizer: Levanta-te e anda?

[6] Ora, para que saibais que o Filho do Homem tem sobre a terra autoridade para perdoar pecados – disse, então, ao paralítico: Levanta-te, toma o teu leito e vai para tua casa.

[7] E, levantando-se, partiu para sua casa.

[8] Vendo isto, as multidões, possuídas de temor, glorificaram a Deus, que dera tal autoridade aos homens.

A vocação de Mateus

Marcos 2.13-14; Lucas 5.27-28

[9] Partindo Jesus dali, viu um homem chamado Mateus sentado na coletoria e disse-lhe: Segue-me! Ele se levantou e o seguiu.

Jesus come com pecadores

Marcos 2.15-17; Lucas 5.29-32

[10] E sucedeu que, estando ele em casa, à mesa, muitos publicanos e pecadores vieram e tomaram lugares com Jesus e seus discípulos.

[11] Ora, vendo isto, os fariseus perguntavam aos discípulos: Por que come o vosso Mestre com os publicanos e pecadores?

[12] Mas Jesus, ouvindo, disse: Os sãos não precisam de médico, e sim os doentes.

[3]Leis sin, dúirt cuid de na scríobhaithe leo féin: “Sin diamhasla dó.”

[4]Ach bhí a fhios ag Íosa cad a bhí ina gcroí agus dúirt: “Cén fáth a bhfuil na smaointe mallaithe seo in bhur gcroí?

[5]Cé acu is fusa a rá, más ea: ‘Tá do pheacaí maite’; nó a rá: ‘Éirigh agus siúil’?

[6]Ach chun go mbeadh a fhios agaibh go bhfuil údarás ag Mac an Duine ar an talamh chun peacaí a mhaitheamh” - dúirt sé ansin leis an bpairiliseach: “Éirigh, tóg leat do leaba agus gabh abhaile.”

[7]D'éirigh seisean agus chuaigh abhaile.

[8]Nuair a chonaic na sluaite é, tháinig uamhan orthu agus thug siad glóir do Dhia a thug a leithéid sin d'údarás do dhaoine.

Matha á Ghlaoch

[9]Bhí Íosa ag imeacht leis ón áit sin, agus chonaic sé duine darbh ainm Matha ina shuí i dteach an chustaim agus dúirt leis: “Lean mise.” D'éirigh seisean agus lean sé é.

[10]Ina shuí chun boird dó sa teach, tháinig mórán de na poibleacánaigh agus de na peacaigh agus shuigh siad isteach le hÍosa agus lena dheisceabail.

[11]Nuair a chonaic na Fairisínigh é sin, dúirt siad lena dheisceabail: “Cén fáth a mbíonn bhur máistir ag ithe leis na poibleacánaigh agus na peacaigh?”

[12]Chuala sé iad agus dúirt: “Ní ag na daoine slána a bhíonn gá le lia ach ag na daoine tinne.

[13] Ide, porém, e aprendei o que significa: Misericórdia quero e não holocaustos; pois não vim chamar justos, e sim pecadores [ao arrependimento].

Do jejum

Marcos 2.18-22; Lucas 5.33-39

[14] Vieram, depois, os discípulos de João e lhe perguntaram: Por que jejuamos nós, e os fariseus [muitas vezes], e teus discípulos não jejuam?

[15] Respondeu-lhes Jesus: Podem, acaso, estar tristes os convidados para o casamento, enquanto o noivo está com eles? Dias virão, contudo, em que lhes será tirado o noivo, e nesses dias hão de jejuar.

[16] Ninguém põe remendo de pano novo em veste velha; porque o remendo tira parte da veste, e fica maior a rotura.

[17] Nem se põe vinho novo em odres velhos; do contrário, rompem-se os odres, derrama-se o vinho, e os odres se perdem. Mas põe-se vinho novo em odres novos, e ambos se conservam.

O pedido de um chefe

Marcos 5.21-24a; Lucas 8.40-42a

[18] Enquanto estas coisas lhes dizia, eis que um chefe, aproximando-se, o adorou e disse: Minha filha faleceu agora mesmo; mas vem, impõe a mão sobre ela, e viverá.

A cura de uma mulher enferma

Marcos 5.24b-34; Lucas 8.42b-48

[19] E Jesus, levantando-se, o seguia, e também os seus discípulos.

[20] E eis que uma mulher, que durante doze anos vinha padecendo de uma

[13]Ní miste daoibh a chiall siúd a fhoghlaim: 'Trócaire is áil liom agus ní íobairt.' Ní hiad na fíréin ach na peacaigh a tháinig mé a ghlaoch."

Ceist Faoin Troscadh

[14]Tháinig deisceabail Eoin chuige ansin agus dúirt siad: "Cén fáth a mbíonn a lán troscaidh ar siúl againne agus ag na Fairisínigh, ach nach ndéanann do dheisceabailse troscadh?"

[15]Dúirt Íosa leo: "An féidir go mbeadh ógánaigh na bainise ag déanamh bróin fad a bhíonn an fear nuaphósta leo? Ach tiocfaidh na laethanta nuair a bheidh an fear nuaphósta tógtha uathu agus déanfaidh siad troscadh ansin.

[16]Ní chuirfeadh aon duine preabán d'éadach gan ramhrú ar sheanbhrat, mar thógfadh an paiste a chuirfí air cuid den bhrat leis agus ba mhiste an stróiceadh é.

[17]Ná ní chuirtear fíon nua i seanseithí: má chuirtear, pléascann na seithí; agus sin an fíon doirte agus na seithí millte. Ach cuirtear fíon nua i seithí nua, agus bíonn siad araon slán."

Iníon an Chinn Urra -- Leigheas na Mná sa Slua

[18]Le linn dó bheith ag caint leo, tháinig ceann urra agus d'umhlaigh síos ina láthair agus dúirt: "An iníon atá agam, fuair sí bás anois, díreach, ach tar thusa, cuir do lámh uirthi agus beidh sí beo."

[19]D'éirigh Íosa agus lean é, é féin agus a dheisceabail.

[20]Agus bean a raibh rith fola uirthi ar feadh dhá bhliain déag, tháinig sí taobh thiar de agus chuir sí a lámh le scothóg a bhrait,

hemorragia, veio por trás dele e lhe tocou na orla da veste;

21 porque dizia consigo mesma: Se eu apenas lhe tocar a veste, ficarei curada.

22 E Jesus, voltando-se e vendo-a, disse: Tem bom ânimo, filha, a tua fé te salvou. E, desde aquele instante, a mulher ficou sã.

A ressurreição da filha de Jairo
Marcos 5.35-43; Lucas 8.49-56

23 Tendo Jesus chegado à casa do chefe e vendo os tocadores de flauta e o povo em alvoroço, disse:

24 Retirai-vos, porque não está morta a menina, mas dorme. E riam-se dele.

25 Mas, afastado o povo, entrou Jesus, tomou a menina pela mão, e ela se levantou.

26 E a fama deste acontecimento correu por toda aquela terra.

A cura de dois cegos

27 Partindo Jesus dali, seguiram-no dois cegos, clamando: Tem compaixão de nós, Filho de Davi!

28 Tendo ele entrado em casa, aproximaram-se os cegos, e Jesus lhes perguntou: Credes que eu posso fazer isso? Responderam-lhe: Sim, SENHOR!

29 Então, lhes tocou os olhos, dizendo: Faça-se-vos conforme a vossa fé.

30 E abriram-se-lhes os olhos. Jesus, porém, os advertiu severamente, dizendo: Acautelai-vos de que ninguém o saiba.

31 Saindo eles, porém, divulgaram-lhe a fama por toda aquela terra.

21mar dúirt sí léi féin: “Mura ndéanaim ach mo lámh a chur lena bhrat, beidh mé slán.”

22Chas Íosa timpeall agus chonaic í agus dúirt: “Bíodh misneach agat, a iníon: shlánaigh do chreideamh thú.” Agus bhí a sláinte aici ón nóiméad sin amach.

23Ar theacht isteach i dteach an chinn urra dó, nuair a chonaic Íosa lucht na bhfliút agus an slua ag déanamh calláin,

24“Imígí libh,” ar seisean, “ní marbh atá an cailín; ina codladh atá sí,” ach bhí siad ag magadh faoi.

25Tiomáineadh an slua amach agus ansin, tar éis dó dul isteach, rug sé ar láimh ar an gcailín, agus d'éirigh sí aniar.

26Agus chuaigh cáil an scéil ar fud na tíre sin go léir.

Beirt Dhall á Leigheas -- agus Balbhán

27Nuair a bhí Íosa ag imeacht leis as sin, lean beirt dhall é agus iad ag screadach amach: “Déan trócaire orainn, a Mhic Dháiví!”

28Agus tháinig na daill chuige nuair a chuaigh sé isteach sa teach. Dúirt sé leo: “An gcreideann sibh gur féidir dom é seo a dhéanamh?” Dúirt siad: “Creidimid, a Thiarna.”

29Ansin, leag sé a lámh ar a súile agus dúirt: “Bíodh agaibh de réir bhur gcreidimh.”

30Agus osclaíodh a súile. Agus labhair Íosa go corraiceach leo: “Aire daoibh! ná bíodh a fhios sin ag duine ar bith.”

31Ach ní túisce amuigh iad ná leath siad a cháil ar fud na tíre sin go léir.

A cura de um mudo endemoninhado. A blasfêmia dos fariseus

[32] Ao retirarem-se eles, foi-lhe trazido um mudo endemoninhado.

[33] E, expelido o demônio, falou o mudo; e as multidões se admiravam, dizendo: Jamais se viu tal coisa em Israel!

[34] Mas os fariseus murmuravam: Pelo maioral dos demônios é que expele os demônios.

Jesus ia por toda parte fazendo o bem. A seara e os trabalhadores

[35] E percorria Jesus todas as cidades e povoados, ensinando nas sinagogas, pregando o evangelho do reino e curando toda sorte de doenças e enfermidades.

[36] Vendo ele as multidões, compadeceu-se delas, porque estavam aflitas e exaustas como ovelhas que não têm pastor.

[37] E, então, se dirigiu a seus discípulos: A seara, na verdade, é grande, mas os trabalhadores são poucos.

[38] Rogai, pois, ao SENHOR da seara que mande trabalhadores para a sua seara.

Mateus 10

A escolha dos doze apóstolos
Os seus nomes

Marcos 3.13-19; Lucas 6.12-16

[1] Tendo chamado os seus doze discípulos, deu-lhes Jesus autoridade sobre espíritos imundos para os expelir e para curar toda sorte de doenças e enfermidades.

[2] Ora, os nomes dos doze apóstolos são estes: primeiro, Simão, por sobrenome Pedro, e André, seu irmão; Tiago, filho de Zebedeu, e João, seu irmão;

[32]Ag dul amach dóibh sin, tugadh duine balbh chuige a raibh deamhan ann.

[33]Agus nuair a bhí an deamhan caite amach as, tháinig a chaint don duine balbh, agus rinne na sluaite ionadh de agus dúirt siad: “Ní fhacthas a leithéid seo in Iosrael riamh.”

[34]Is é a dúirt na Fairisínigh, áfach: “Trí phrionsa na ndeamhan a chaitheann sé amach na deamhain.”

Misean na nAspal: An Dáréag

[35]Ghabh Íosa ar fud na gcathracha agus na mbailte go léir, ag teagasc ina sionagóga agus ag fógairt dea-scéil na ríochta, ag leigheas gach galar agus gach éagruas.

[36]Agus nuair a chonaic sé na sluaite, ghlac sé trua dóibh, mar go raibh siad ina luí go tréith mar a bheadh caoirigh gan aoire.

[37]Ansin dúirt sé lena dheisceabail: “Tá an fómhar fairsing ach níl ann ach meitheal bheag.

[38]Dá bhrí sin guígí Máistir an fhómhair go gcuireadh sé meitheal uaidh isteach ina fhómhar.”

Matha 10

[1]Ghlaoigh sé chuige a dháréag deisceabal agus thug dóibh údarás ar na spioraid mhíghlana chun go gcaithfidís amach iad agus go leigheasfaidís gach galar agus gach éagruas.

[2]Is iad seo ainmneacha an dá aspal déag: Síomón ar dtús, ar a dtugtar Peadar, agus Aindrias a dheartháir, Séamas mac Zeibidé agus Eoin a dheartháir,

[3] Filipe e Bartolomeu; Tomé e Mateus, o publicano; Tiago, filho de Alfeu, e Tadeu;

[4] Simão, o Zelote, e Judas Iscariotes, que foi quem o traiu.

As instruções para os doze
Marcos 6.7-11; Lucas 9.1-5

[5] A estes doze enviou Jesus, dando-lhes as seguintes instruções: Não tomeis rumo aos gentios, nem entreis em cidade de samaritanos;

[6] mas, de preferência, procurai as ovelhas perdidas da casa de Israel;

[7] e, à medida que seguirdes, pregai que está próximo o reino dos céus.

[8] Curai enfermos, ressuscitai mortos, purificai leprosos, expeli demônios; de graça recebestes, de graça dai.

[9] Não vos provereis de ouro, nem de prata, nem de cobre nos vossos cintos;

[10] nem de alforje para o caminho, nem de duas túnicas, nem de sandálias, nem de bordão; porque digno é o trabalhador do seu alimento.

[11] E, em qualquer cidade ou povoado em que entrardes, indagai quem neles é digno; e aí ficai até vos retirardes.

[12] Ao entrardes na casa, saudai-a;

[13] se, com efeito, a casa for digna, venha sobre ela a vossa paz; se, porém, não o for, torne para vós outros a vossa paz.

[14] Se alguém não vos receber, nem ouvir as vossas palavras, ao sairdes daquela casa ou daquela cidade, sacudi o pó dos vossos pés.

[3]Pilib agus Parthalán, Tomás agus Matha poibleacánach, Séamas mac Ailfáias agus Tadáias,

[4]Síomón Díograiseach agus Iúdás Isceiriót, an fear a bhraith é.

[5]Chuir Íosa uaidh an dáréag sin leis na horduithe seo leanas: “Ná gabhaigí an bóthar chun na ngintlithe agus ná téigí isteach i gcathair Shamárach ar bith;

[6]ní hea, ach téigí faoi dhéin chaoirigh caillte theaghlach Iosrael.

[7]Agus in bhur mbóthar daoibh, bígí á fhógairt go bhfuil ríocht na bhflaitheas in achmaireacht.

[8]Leigheasaigí lucht tinnis, tógaigí na mairbh, glanaigí na lobhair, caithigí amach na deamhain. In aisce a fuair sibh; tugaigí uaibh in aisce.

[9]Ná cuirigí chugaibh ór ná airgead geal ná airgead rua in bhur gcrios,

[10]ná tiachóg chun an bhóthair, ná an dá léine, ná cuaráin ná bata; mar tá an fear oibre i dteideal a choda.

[11]“Cibé cathair nó baile a rachaidh sibh isteach ann, cuirigí fiafraí ar dhuine geanúil ann, agus fanaigí aige sin nó go mbeidh sibh ag fágáil.

[12]Beannaígí romhaibh isteach ansin,

[13]agus más fiú an teach é tagadh bhur síocháin anuas air; mura fiú, filleadh bhur síocháin oraibh.

[14]Duine ar bith nach nglacfaidh sibh agus nach n-éistfidh le bhur mbriathra, gabhaigí amach as an teach nó as an gcathair sin agus croithigí an deannach de bhur gcosa.

[15] Em verdade vos digo que menos rigor haverá para Sodoma e Gomorra, no Dia do Juízo, do que para aquela cidade.

As admoestações

[16] Eis que eu vos envio como ovelhas para o meio de lobos; sede, portanto, prudentes como as serpentes e símplices como as pombas.

[17] E acautelai-vos dos homens; porque vos entregarão aos tribunais e vos açoitarão nas suas sinagogas;

[18] por minha causa sereis levados à presença de governadores e de reis, para lhes servir de testemunho, a eles e aos gentios.

[19] E, quando vos entregarem, não cuideis em como ou o que haveis de falar, porque, naquela hora, vos será concedido o que haveis de dizer,

[20] visto que não sois vós os que falais, mas o Espírito de vosso Pai é quem fala em vós.

[21] Um irmão entregará à morte outro irmão, e o pai, ao filho; filhos haverá que se levantarão contra os progenitores e os matarão.

[22] Sereis odiados de todos por causa do meu nome; aquele, porém, que perseverar até ao fim, esse será salvo.

[23] Quando, porém, vos perseguirem numa cidade, fugi para outra; porque em verdade vos digo que não acabareis de percorrer as cidades de Israel, até que venha o Filho do Homem.

Os estímulos

[15]Deirim libh go fírinneach, is saoire a bheidh ag talamh Shodom agus Ghomorá lá an bhreithiúnais ná ag an gcathair sin.

Cruatan agus Sólás an tSaoil Aspalúil

[16]“Táim do bhur gcur uaim ar nós caorach i measc faolchúnna; dá bhrí sin, bígí chomh géarchúiseach leis an nathair nimhe agus chomh macánta leis an gcolm.

[17]Seachnaígí sibh féin ar dhaoine, mar tabharfaidh siad ar láimh do na sainidríní sibh, agus sciúrsálfaidh siad ina sionagóga sibh,

[18]agus seolfar i láthair gobharnóirí agus ríthe sibh mar gheall ormsa chun fianaise a thabhairt os a gcomhair agus os comhair na ngintlithe.

[19]Ach nuair a bheidh sibh ar láimh, ná bígí ag fiafraí conas a labhróidh sibh nó go himníoch cad a déarfaidh sibh. Tabharfar daoibh, an uair sin féin, an rud a bheidh le rá agaibh,

[20]mar ní sibhse a bheidh ag caint: is é Spiorad bhur nAthar a bheidh ag caint ionaibh.

[21]Tabharfaidh an deartháir a dheartháir féin suas chun báis, agus an t-athair a pháiste féin; éireoidh an chlann amach in aghaidh a dtuismitheoirí agus básóidh siad iad.

[22]Agus beidh fuath ag cách daoibh mar gheall ar m'ainmse. Ach an té a sheasfaidh amach go deireadh, sábhálfar é.

[23]Má bhítear sa tóir oraibh i gcathair áirithe teithigí go cathair eile. Deirim libh go fírinneach, sula mbeidh cathracha Iosrael siúlta agaibh, beidh Mac an Duine tagtha.

[24] O discípulo não está acima do seu mestre, nem o servo, acima do seu senhor.

[25] Basta ao discípulo ser como o seu mestre, e ao servo, como o seu senhor. Se chamaram Belzebu ao dono da casa, quanto mais aos seus domésticos?

[26] Portanto, não os temais; pois nada há encoberto, que não venha a ser revelado; nem oculto, que não venha a ser conhecido.

[27] O que vos digo às escuras, dizei-o a plena luz; e o que se vos diz ao ouvido, proclamai-o dos eirados.

[28] Não temais os que matam o corpo e não podem matar a alma; temei, antes, aquele que pode fazer perecer no inferno tanto a alma como o corpo.

[29] Não se vendem dois pardais por um asse? E nenhum deles cairá em terra sem o consentimento de vosso Pai.

[30] E, quanto a vós outros, até os cabelos todos da cabeça estão contados.

[31] Não temais, pois! Bem mais valeis vós do que muitos pardais.

[32] Portanto, todo aquele que me confessar diante dos homens, também eu o confessarei diante de meu Pai, que está nos céus;

[33] mas aquele que me negar diante dos homens, também eu o negarei diante de meu Pai, que está nos céus.

As dificuldades

[34] Não penseis que vim trazer paz à terra; não vim trazer paz, mas espada.

[24]“Níl an deisceabal os cionn an mháistir ná an sclábha os cionn a úinéara.

[25]Ba leor don deisceabal bheith ar aon dul lena mháistir, agus don sclábha bheith ar aon dul lena úinéir. Má thug siad Béalzabúl ar fhear an tí, nach móide dóibh é thabhairt ar lucht a theaghlaigh?

[26]Ná bíodh eagla oraibh rompu, mar sin. Níl aon ní i bhfolach nach bhfoilseofar, ná aon ní faoi cheilt nach mbeidh fios air.

[27]An rud a deirim libh sa dorchadas, abraigí i solas an lae é, agus an cogar a chuirtear in bhur gcluais, fógraígí é ó bharr na dtithe.

[28]“Ná bíodh eagla oraibh rompu seo a mharaíonn an corp ach nach féidir dóibh an t-anam a mharú: ní hea, ach bíodh eagla oraibh roimh an té ar féidir dó idir chorp agus anam a mhilleadh in ifreann.

[29]Nach mbíonn na gealbhain leathphingin an péire? Agus ní thitfidh gealbhan acu as an aer gan fhios do bhur nAthair.

[30]Maidir libhse, fiú amháin ribí bhur gcinn tá siad uile comhairthe.

[31]Mar sin, ná bíodh aon eagla oraibh; is mó is fiú sibhse ná dá liacht na gealbhain!

[32]“Duine ar bith a admhóidh mise os comhair daoine, admhóidh mise eisean chomh maith os comhair m'Athar atá ar neamh.

[33]Ach duine ar bith a shéanfaidh os comhair daoine mé, séanfaidh mise eisean chomh maith os comhair m'Athar atá ar neamh.

[34]“Ná bígí ag ceapadh gur chun síocháin a chur ar an talamh a tháinig mé. Ní síocháin a tháinig mé a chur ann ach claíomh.

[35] Pois vim causar divisão entre o homem e seu pai; entre a filha e sua mãe e entre a nora e sua sogra.

[36] Assim, os inimigos do homem serão os da sua própria casa.

[37] Quem ama seu pai ou sua mãe mais do que a mim não é digno de mim; quem ama seu filho ou sua filha mais do que a mim não é digno de mim;

[38] e quem não toma a sua cruz e vem após mim não é digno de mim.

[39] Quem acha a sua vida perdê-la-á; quem, todavia, perde a vida por minha causa achá-la-á.

As recompensas

[40] Quem vos recebe a mim me recebe; e quem me recebe recebe aquele que me enviou.

[41] Quem recebe um profeta, no caráter de profeta, receberá o galardão de profeta; quem recebe um justo, no caráter de justo, receberá o galardão de justo.

[42] E quem der a beber, ainda que seja um copo de água fria, a um destes pequeninos, por ser este meu discípulo, em verdade vos digo que de modo algum perderá o seu galardão.

Mateus 11

Jesus prega nas cidades

[1] Ora, tendo acabado Jesus de dar estas instruções a seus doze discípulos, partiu dali a ensinar e a pregar nas cidades deles.

João envia mensageiros a Jesus

Lucas 7.18-23

[35]Óir tháinig mé chun duine a chur bunoscionn lena athair agus an iníon lena máthair agus bean mhic le máthair a céile,

[36]agus is iad lucht a theaghlaigh féin is naimhde do dhuine.

[37]“An té arb ansa leis athair nó máthair ná mé, níl sé diongbhála dom, agus an té arb ansa leis mac nó iníon ná mé, níl sé diongbhála dom;

[38]agus an té nach nglacann a chros agus mise a leanúint, níl sé diongbhála dom.

[39]An té a fhaigheann a anam, caillfidh sé é; ach an té a chaillfidh a anam mar gheall ormsa, gheobhaidh sé é.

[40]“An té a ghlacann sibhse, glacann sé mise; agus an té a ghlacann mise, glacann sé an té a chuir uaidh mé.

[41]An té a ghlacann fáidh as ucht gur fáidh é, is tuarastal fáidh a gheobhaidh; agus an té a ghlacfaidh fíréan as ucht gur fíréan é, is tuarastal fíréin a gheobhaidh.

[42]“Agus má thugann duine ar bith oiread is an cupán d'fhíoruisce do dhuine den mhuintir bheag seo, as ucht gur deisceabal é, ní bheidh sé gan a thuarastal a fháil.”

Matha 11

[1]Ansin, nuair a bhí deireadh na rialacha sin tugtha ag Íosa dá dháréag deisceabal, d'fhág sé an áit sin chun dul ag teagasc agus ag seanmóir ina gcathracha.

Teachtairí ó Eoin Baiste

[2] Quando João ouviu, no cárcere, falar das obras de Cristo, mandou por seus discípulos perguntar-lhe:

[3] És tu aquele que estava para vir ou havemos de esperar outro?

[4] E Jesus, respondendo, disse-lhes: Ide e anunciai a João o que estais ouvindo e vendo:

[5] os cegos vêem, os coxos andam, os leprosos são purificados, os surdos ouvem, os mortos são ressuscitados, e aos pobres está sendo pregado o evangelho.

[6] E bem-aventurado é aquele que não achar em mim motivo de tropeço.

Jesus dá testemunho de João
Lucas 7.24-35

[7] Então, em partindo eles, passou Jesus a dizer ao povo a respeito de João: Que saístes a ver no deserto? Um caniço agitado pelo vento?

[8] Sim, que saístes a ver? Um homem vestido de roupas finas? Ora, os que vestem roupas finas assistem nos palácios reais.

[9] Mas para que saístes? Para ver um profeta? Sim, eu vos digo, e muito mais que profeta.

[10] Este é de quem está escrito: Eis aí eu envio diante da tua face o meu mensageiro, o qual preparará o teu caminho diante de ti.

[11] Em verdade vos digo: entre os nascidos de mulher, ninguém apareceu maior do que João Batista; mas o menor no reino dos céus é maior do que ele.

[2]Chuala Eoin, agus é i bpríosún, iomrá faoi oibreacha Chríost, agus chuir sé scéala chuige trína dheisceabail féin,

[3]á rá leis: “An tú an té atá le teacht nó an ceart dúinn bheith ag súil le duine eile?”

[4]Dúirt Íosa leo á bhfreagairt: “Imígí agus insígí d'Eoin a bhfuil á chloisteáil agus a fheiceáil agaibh:

[5]tá radharc ag daill, tá siúl ag bacaigh, glantar lobhair agus tá éisteacht ag bodhráin, éiríonn na mairbh agus fógraítear an dea-scéal do bhoicht.

[6]Is méanar don té nach ceap tuisle dó mise.”

Eoin á Mholadh: Díchreidmhigh á gCáineadh

[7]Le linn dóibh seo bheith ag imeacht, thosaigh Íosa ag caint leis na sluaite faoi Eoin: “Cad a chuaigh sibh amach faoin bhfásach a fheiceáil? Giolcach á suaitheadh ag an ngaoth?

[8]Ach cad a chuaigh sibh amach a fheiceáil? Duine a bhí cóirithe go mín? Iad seo a mbíonn éadaí míne orthu, is i dtithe na ríthe atá siad.

[9]Ach cad a thug amach sibh? Chun fáidh a fheiceáil? Sea, deirim libh, agus duine ba mhó ná fáidh.

[10]Is é seo an té a bhfuil scríofa mar gheall air: ‘Féach, cuirim mo theachtaire romhat a réiteoidh do bhóthar faoi do chomhair.’

[11]“Deirim libh go fírinneach, níor éirigh ar shliocht na mban duine ba mhó ná Eoin Baiste; ach an té is lú i ríocht na bhflaitheas, is mó é ná eisean.

[12] Desde os dias de João Batista até agora, o reino dos céus é tomado por esforço, e os que se esforçam se apoderam dele.

[13] Porque todos os Profetas e a Lei profetizaram até João.

[14] E, se o quereis reconhecer, ele mesmo é Elias, que estava para vir.

[15] Quem tem ouvidos [para ouvir], ouça.

[16] Mas a quem hei de comparar esta geração? É semelhante a meninos que, sentados nas praças, gritam aos companheiros:

[17] Nós vos tocamos flauta, e não dançastes; entoamos lamentações, e não pranteastes.

[18] Pois veio João, que não comia nem bebia, e dizem: Tem demônio!

[19] Veio o Filho do Homem, que come e bebe, e dizem: Eis aí um glutão e bebedor de vinho, amigo de publicanos e pecadores! Mas a sabedoria é justificada por suas obras.

Ai das cidades impenitentes!

Lucas 10.13-15

[20] Passou, então, Jesus a increpar as cidades nas quais ele operara numerosos milagres, pelo fato de não se terem arrependido:

[21] Ai de ti, Corazim! Ai de ti, Betsaida! Porque, se em Tiro e em Sidom se tivessem operado os milagres que em vós se fizeram, há muito que elas se teriam arrependido com pano de saco e cinza.

[22] E, contudo, vos digo: no Dia do Juízo, haverá menos rigor para Tiro e Sidom do que para vós outras.

[12]Ó laethanta Eoin Baiste go dtí anois tá foréigean á dhéanamh ar ríocht na bhflaitheas agus fuadaíonn lucht an fhoréigin leo í.

[13]Óir, na fáithe uile, agus an dlí freisin, thug siad a dtairngreacht chomh fada le hEoin,

[14]agus mura miste libh mé a chreidiúint ann, is é an tÉilias a bhí le teacht é.

[15]An té a bhfuil cluasa air, éisteadh sé!

[16]“Ach cad leis a gcuirfidh mé an ghlúin seo i gcomparáid? Tá sí cosúil leis na leanaí a bhíonn ina suí sna háiteanna margaidh agus iad ag glaoch chun a gcomrádaithe

[17]á rá: ‘Rinneamar píobaireacht daoibh ach ní dhearna sibh rince; rinneamar caoineadh, ach níor bhuail sibh bhur n-ucht.’

[18]“Mar tháinig Eoin agus ní raibh sé ag ithe ná ag ól, agus deir siad: ‘Tá deamhan ann.’

[19]Tháinig Mac an Duine agus bíonn sé ag ithe agus ag ól, agus deir siad: ‘Féach, fear craois agus póite, cara do phoibleacánaigh agus do pheacaigh.’ Agus fuair an eagna a ceart as a hoibreacha féin.”

Na Cathracha nár Chreid

[20]Thosaigh sé ansin ag tabhairt achasáin do na cathracha ina ndearnadh an chuid is mó dá mhíorúiltí, i dtaobh nach ndearna siad aithrí:

[21]“Is mairg duit, a Chorazaín! is mairg duitse, a Bhéatsáidean! Óir, dá mba sa Tuíre agus i Síodón a dhéanfaí na míorúiltí a rinneadh ionaibhse, is fadó a bheadh aithrí déanta acu faoi éadach saic agus faoi luaithreach.

[22]Ach deirim libh, is saoire a bheidh ag an Tuír agus ag Síodón lá an bhreithiúnais ná agaibhse.

[23] Tu, Cafarnaum, elevar-te-ás, porventura, até ao céu? Descerás até ao inferno; porque, se em Sodoma se tivessem operado os milagres que em ti se fizeram, teria ela permanecido até ao dia de hoje.

[24] Digo-vos, porém, que menos rigor haverá, no Dia do Juízo, para com a terra de Sodoma do que para contigo.

Jesus, o Salvador dos humildes
Lucas 10.21-22

[25] Por aquele tempo, exclamou Jesus: Graças te dou, ó Pai, SENHOR do céu e da terra, porque ocultaste estas coisas aos sábios e instruídos e as revelaste aos pequeninos.

[26] Sim, ó Pai, porque assim foi do teu agrado.

[27] Tudo me foi entregue por meu Pai. Ninguém conhece o Filho, senão o Pai; e ninguém conhece o Pai, senão o Filho e aquele a quem o Filho o quiser revelar.

Vinde a mim

[28] Vinde a mim, todos os que estais cansados e sobrecarregados, e eu vos aliviarei.

[29] Tomai sobre vós o meu jugo e aprendei de mim, porque sou manso e humilde de coração; e achareis descanso para a vossa alma.

[30] Porque o meu jugo é suave, e o meu fardo é leve.

Mateus 12

Jesus é senhor do sábado
Marcos 2.23-28; Lucas 6.1-5

[23]Agus tusa, a Chafarnáum, an ardófar chun flaithiúnais thú? Síos go hifreann a theilgfear thú! óir, dá mba i Sodom a dhéanfaí na míorúiltí a rinneadh ionatsa, bheadh sí ann go dtí an lá inniu.

[24]Ach deirim libh, is saoire a bheidh ag talamh Shodom lá an bhreithiúnais ná agatsa."

An Soiscéal á Fhoilsiú do Lucht na hUirísle

[25]San am sin labhair Íosa agus dúirt: "Tugaim buíochas duit, a Athair, a Thiarna neimhe agus talún, de chionn mar a cheil tú na nithe seo ar lucht eagna agus éirime agus mar a d'fhoilsigh tú do naíonáin iad.

[26]Sea, a Athair, óir is amhlaidh sin ba mhaith leat é.

[27]Tá gach aon ní tugtha domsa ag m'Athair. Agus níl aithne ag aon neach ar an Mac ach amháin ag an Athair, ná níl aithne ag aon neach ar an Athair ach amháin ag an Mac agus an té ar toil leis an Mac a fhoilsiú dó.

[28]"Tagaigí chugam, sibhse uile a bhfuil saothar agus tromualach oraibh, agus tabharfaidh mé faoiseamh daoibh.

[29]Tógaigí oraibh mo chuing agus tagaigí ar scoil chugamsa, mar táim ceansa uiríseal ó chroí, agus gheobhaidh sibh faoiseamh do bhur n-anamacha;

[30]óir tá mo chuing so-iompair agus m'ualach éadrom."

Matha 12

Dhá Cheist Faoi Dhlí na Sabóide

[1] Por aquele tempo, em dia de sábado, passou Jesus pelas searas. Ora, estando os seus discípulos com fome, entraram a colher espigas e a comer.

[2] Os fariseus, porém, vendo isso, disseram-lhe: Eis que os teus discípulos fazem o que não é lícito fazer em dia de sábado.

[3] Mas Jesus lhes disse: Não lestes o que fez Davi quando ele e seus companheiros tiveram fome?

[4] Como entrou na Casa de Deus, e comeram os pães da proposição, os quais não lhes era lícito comer, nem a ele nem aos que com ele estavam, mas exclusivamente aos sacerdotes?

[5] Ou não lestes na Lei que, aos sábados, os sacerdotes no templo violam o sábado e ficam sem culpa? Pois eu vos digo:

[6] aqui está quem é maior que o templo.

[7] Mas, se vós soubésseis o que significa: Misericórdia quero e não holocaustos, não teríeis condenado inocentes.

[8] Porque o Filho do Homem é senhor do sábado.

O homem da mão ressequida

Marcos 3.1-6; Lucas 6.6-11

[9] Tendo Jesus partido dali, entrou na sinagoga deles.

[10] Achava-se ali um homem que tinha uma das mãos ressequida; e eles, então, com o intuito de acusá-lo, perguntaram a Jesus: É lícito curar no sábado?

[11] Ao que lhes respondeu: Qual dentre vós será o homem que, tendo uma ovelha, e,

[1]San aimsir sin ghabh Íosa trí na goirt arbhair lá sabóide. Bhí ocras ar a dheisceabail, agus thosaigh siad ag stoitheadh na ndias agus á n-ithe.

[2]Chonaic na Fairisínigh é sin agus dúirt siad: “Féach, tá do dheisceabail ag déanamh ruda nach dleathach a dhéanamh lá sabóide.”

[3]Dúirt sé leo: “An ea nár léigh sibh mar a rinne Dáiví é nuair a bhí ocras air féin agus ar a chompánaigh?

[4]Conas mar a chuaigh sé isteach i dteach Dé agus mar a d'ith builíní na fianaise, siúd is nár dhleathach dó féin ná dá chompánaigh iad a ithe, ach do na sagairt amháin.

[5]Nó fós, nár léigh sibh sa dlí, na sagairt sa Teampall lá sabóide, go sáraíonn siad an tsabóid agus nach mbíonn locht ar bith orthu?

[6]Ach deirim libh, tá ní anseo is mó ná an Teampall.

[7]Agus dá mb'eol daoibh a chiall siúd: ‘Trócaire is áil liom agus ní íobairt, ’ ní dhaorfadh sibh na daoine atá gan locht.

[8]Óir tá Mac an Duine ina mháistir ar an tsabóid.

[9]D'fhág sé an áit sin agus chuaigh isteach ina sionagóg.

[10]Bhí fear ansiúd a raibh lámh leis seargtha, agus chuir siad an cheist seo ar Íosa: “An bhfuil sé dleathach leigheas a dhéanamh lá saboide?” chun go gciontóidís é.

[11]Ach dúirt sé leo: “Cén duine agaibh a mbeadh an t-aon chaora amháin aige agus go

num sábado, esta cair numa cova, não fará todo o esforço, tirando-a dali?

12 Ora, quanto mais vale um homem que uma ovelha? Logo, é lícito, nos sábados, fazer o bem.

13 Então, disse ao homem: Estende a mão. Estendeu-a, e ela ficou sã como a outra.

14 Retirando-se, porém, os fariseus, conspiravam contra ele, sobre como lhe tirariam a vida.

Jesus se retira

15 Mas Jesus, sabendo disto, afastou-se dali. Muitos o seguiram, e a todos ele curou,

16 advertindo-lhes, porém, que o não expusessem à publicidade,

17 para se cumprir o que foi dito por intermédio do profeta Isaías:

18 Eis aqui o meu servo, que escolhi, o meu amado, em quem a minha alma se compraz. Farei repousar sobre ele o meu Espírito, e ele anunciará juízo aos gentios.

19 Não contenderá, nem gritará, nem alguém ouvirá nas praças a sua voz.

20 Não esmagará a cana quebrada, nem apagará a torcida que fumega, até que faça vencedor o juízo.

21 E, no seu nome, esperarão os gentios.

A cura de um endemoninhado cego e mudo. A blasfêmia dos fariseus. Jesus se defende

Marcos 3.22-30; Lucas 11.14-23

22 Então, lhe trouxeram um endemoninhado, cego e mudo; e ele o curou, passando o mudo a falar e a ver.

dtitfeadh sí i bpoll lá sabóide, nach mbéarfadh sé greim uirthi á tarraingt as?

12Agus is mó is fiú duine ná caora. Dá réir sin, tá sé dleathach an mhaith a dhéanamh lá sabóide.”

13Ansin dúirt sé leis an duine: “Sín amach do lámh.” Shín, agus rinneadh chomh slán leis an láimh eile arís í.

14Ach tar éis do na Fairisínigh dul amach, rinne siad comhairle le chéile ina aghaidh chun go millfidís é.

Tairngreacht Íseáia

15Bhí a fhios ag Íosa, áfach, agus chuaigh sé i leataobh as sin. Lean sluaite móra é, agus leigheas sé iad uile,

16ach thug ordú láidir dóibh gan é chur in iúl;

17chun go gcomhlíonfaí a ndúradh trí Íseáia fáidh:

18“Is é seo mo ghiolla, an té ba rogha liom, m'aonghrá ar a bhfuil gnaoi m'anama. Cuirfidh mé air mo Spiorad agus fógróidh sé an reacht do na ciníocha.

19Ní dhéanfaidh sé bruíon ná gáir, ná ní chluinfear a ghlór sna sráideanna.

20Ní bhrisfidh sé an ghiolcach leonta ná ní mhúchfaidh sé buaiceas an deataigh, nó go mbéarfaidh sé an reacht chun bua.

21Beidh muinín ag na ciníocha as a ainm.”

An Deamhnaíoch Dall Balbh -- Diamhasla na bhFairisíneach

22Tugadh chuige ansin duine a raibh deamhan ann, é dall agus balbh. Leigheas sé é; tháinig a chaint don bhalbh agus a radharc.

[23] E toda a multidão se admirava e dizia: É este, porventura, o Filho de Davi?

[24] Mas os fariseus, ouvindo isto, murmuravam: Este não expele demônios senão pelo poder de Belzebu, maioral dos demônios.

[25] Jesus, porém, conhecendo-lhes os pensamentos, disse: Todo reino dividido contra si mesmo ficará deserto, e toda cidade ou casa dividida contra si mesma não subsistirá.

[26] Se Satanás expele a Satanás, dividido está contra si mesmo; como, pois, subsistirá o seu reino?

[27] E, se eu expulso demônios por Belzebu, por quem os expulsam vossos filhos? Por isso, eles mesmos serão os vossos juízes.

[28] Se, porém, eu expulso demônios pelo Espírito de Deus, certamente é chegado o reino de Deus sobre vós.

[29] Ou como pode alguém entrar na casa do valente e roubar-lhe os bens sem primeiro amarrá-lo? E, então, lhe saqueará a casa.

[30] Quem não é por mim é contra mim; e quem comigo não ajunta espalha.

[31] Por isso, vos declaro: todo pecado e blasfêmia serão perdoados aos homens; mas a blasfêmia contra o Espírito não será perdoada.

[32] Se alguém proferir alguma palavra contra o Filho do Homem, ser-lhe-á isso perdoado; mas, se alguém falar contra o Espírito Santo, não lhe será isso

[23]Agus tháinig alltacht ar na sluaite uile agus bhí siad ag rá: “An féidir gurb é an duine seo Mac Dháiví?”

[24]Ach nuair a chuala na Fairisínigh é sin, dúirt siad: “Ní chaitheann an duine seo na deamhain amach ach trí Bhéalzabúl, prionsa na ndeamhan.”

[25]Bhí a fhios aige cad a bhí ina gcroí agus dúirt sé leo: “Gach ríocht a bhíonn ar deighilt ina haghaidh féin, bánaítear í, agus níl cathair ná teaghlach a bhíonn ar deighilt ina aghaidh féin a fhéadfaidh seasamh.

[26]Agus más é Sátan a chaitheann Sátan amach, tá sé ar deighilt ina aghaidh féin, agus dá réir sin conas a sheasfaidh a ríocht?

[27]Agus más trí Bhéalzabúl a chaithimse na deamhain amach, cé tríd a gcaitheann bhur gclann féin amach iad? Uime sin, is iad sin a thabharfaidh breith oraibh.

[28]Ach más trí Spiorad Dé a chaithim amach na deamhain, dá réir sin tá ríocht Dé tagtha chugaibh cheana.

[29]Nó fós, conas a d'fhéadfadh duine ar bith dul isteach i dteach an fhir láidir agus a urra tí a shlad gan an fear láidir a chur i ngéibheann ar dtús? Ansin creachfaidh sé a theach.

[30]An té nach bhfuil liom tá sé i m'aghaidh, agus an té nach gcnuasaíonn liom, scaipeann.

[31]“Mar sin, táim á rá libh go maithfear do dhaoine gach peacadh agus gach diamhasla; ach diamhasla in aghaidh an Spioraid, ní bhfaighfear maithiúnas ann.

[32]Agus duine ar bith a labhróidh focal in aghaidh Mhac an Duine, maithfear dó é. Ach duine ar bith a labhróidh in aghaidh an

perdoado, nem neste mundo nem no porvir.

Spioraid Naoimh, ní bhfaighidh sé maithiúnas ann sa saol seo ná sa saol atá le teacht.

Árvores e seus frutos
Lucas 6.43-45

33 Ou fazei a árvore boa e o seu fruto bom ou a árvore má e o seu fruto mau; porque pelo fruto se conhece a árvore.

33Déanaigí maith an crann agus maith a thoradh, nó déanaigí olc an crann agus olc a thoradh; óir is ar a thoradh a aithnítear an crann.

34 Raça de víboras, como podeis falar coisas boas, sendo maus? Porque a boca fala do que está cheio o coração.

34A sceith na bpéisteanna, conas a d'fhéadfadh sibh an mhaith a labhairt agus sibh féin olc, agus gur as lán an chroí a labhraíonn an béal?

35 O homem bom tira do tesouro bom coisas boas; mas o homem mau do mau tesouro tira coisas más.

35Tógann an dea-dhuine dea-nithe amach as a dhea-stór, agus tógann an drochdhuine drochnithe amach as a dhrochstór.

36 Digo-vos que de toda palavra frívola que proferirem os homens, dela darão conta no Dia do Juízo;

36Ach deirim libh, gach focal gan bhun dá labhróidh daoine, tabharfaidh siad cuntas ann lá an bhreithiúnais,

37 porque, pelas tuas palavras, serás justificado e, pelas tuas palavras, serás condenado.

37óir is as do bhriathra a shaorfar thú agus is as do bhriathra a dhaorfar thú.”

O sinal de Jonas
Lucas 11.29-32

Comhartha Ióna

38 Então, alguns escribas e fariseus replicaram: Mestre, queremos ver de tua parte algum sinal.

38Ansin labhair cuid de na scríobhaithe agus de na Fairisínigh leis: “B'áil linn, a Mhaistir,” ar siad, “comhartha a fheiceáil uait.”

39 Ele, porém, respondeu: Uma geração má e adúltera pede um sinal; mas nenhum sinal lhe será dado, senão o do profeta Jonas.

39Ach dúirt sé leo á bhfreagairt: “Drochghlúin adhaltrach agus í ag lorg comhartha, agus gan de chomhartha le tabhairt di ach comhartha Ióna fáidh.

40 Porque assim como esteve Jonas três dias e três noites no ventre do grande peixe, assim o Filho do Homem estará três dias e três noites no coração da terra.

40Óir, amhail mar a thug Ióna trí lá agus trí oíche i mbolg na hollphéiste, sin mar a bheidh Mac an Duine i gcoim na talún trí lá agus trí oíche.

41 Ninivitas se levantarão, no Juízo, com esta geração e a condenarão; porque se arrependeram com a pregação de Jonas.

41Éireoidh muintir Nínivé ina seasamh in am an bhreithiúnais leis an nglúin seo, agus daorfaidh siad í, óir rinne siad aithrí nuair a d'fhógair Ióna é, agus tá anseo neach is mó ná Ióna.

E eis aqui está quem é maior do que Jonas.

[42] A rainha do Sul se levantará, no Juízo, com esta geração e a condenará; porque veio dos confins da terra para ouvir a sabedoria de Salomão. E eis aqui está quem é maior do que Salomão.

A estratégia de Satanás

Lucas 11.24-26

[43] Quando o espírito imundo sai do homem, anda por lugares áridos procurando repouso, porém não encontra.

[44] Por isso, diz: Voltarei para minha casa donde saí. E, tendo voltado, a encontra vazia, varrida e ornamentada.

[45] Então, vai e leva consigo outros sete espíritos, piores do que ele, e, entrando, habitam ali; e o último estado daquele homem torna-se pior do que o primeiro. Assim também acontecerá a esta geração perversa.

A família de Jesus

Marcos 3.31-35; Lucas 8.19-21

[46] Falava ainda Jesus ao povo, e eis que sua mãe e seus irmãos estavam do lado de fora, procurando falar-lhe.

[47] E alguém lhe disse: Tua mãe e teus irmãos estão lá fora e querem falar-te.

[48] Porém ele respondeu ao que lhe trouxera o aviso: Quem é minha mãe e quem são meus irmãos?

[49] E, estendendo a mão para os discípulos, disse: Eis minha mãe e meus irmãos.

[42]Éireoidh banríon an deiscirt in am an bhreithiúnais leis an nglúin seo agus daorfaidh sí í, óir tháinig sise as imill na cruinne ag éisteacht le heagna Sholaimh, agus tá anseo neach is mó ná Solamh."

Athionsaí an Spioraid Mhíghlain

[43]"Nuair a bhíonn an spiorad míghlan imithe amach as an duine, gabhann sé trí áiteanna tíortha ag lorg faoisimh, agus ní fhaigheann.

[44]Deir sé ansin: 'Rachaidh mé ar ais chun mo thí as ar tháinig mé amach.' Agus ar theacht dó, faigheann sé folamh é, scuabtha, maisithe.

[45]Imíonn sé ansin agus beireann sé in éineacht leis seacht spioraid eile is measa ná é féin: téann siad isteach agus glacann siad áras ann, agus is measa dála an duine sin ar deireadh ná ar dtús. Sin mar a bheidh an scéal ag an drochghlúin seo freisin."

Máthair Chríost agus a Bhráithre

[46]Ag caint mar sin leis na sluaite a bhí sé nuair a tháinig a mháthair agus a bhráithre agus sheas siad amuigh ag iarraidh labhairt leis.

[47]Dúirt duine éigin leis: "Feach, tá do mháthair agus do bhráithre lasmuigh ag iarraidh labhairt leat."

[48]Agus dúirt leis an té a d'inis dó é: "Cé hí mo mháthair agus cé hiad mo bhráithre?"

[49]Agus ag síneadh a láimhe faoina chuid deisceabal, dúirt: "Féach mo mháthair agus mo bhráithre!

[50] Porque qualquer que fizer a vontade de meu Pai celeste, esse é meu irmão, irmã e mãe.

Mateus 13

A parábola do semeador

Marcos 4.1-9; Lucas 8.4-8

[1] Naquele mesmo dia, saindo Jesus de casa, assentou-se à beira-mar;

[2] e grandes multidões se reuniram perto dele, de modo que entrou num barco e se assentou; e toda a multidão estava em pé na praia.

[3] E de muitas coisas lhes falou por parábolas e dizia: Eis que o semeador saiu a semear.

[4] E, ao semear, uma parte caiu à beira do caminho, e, vindo as aves, a comeram.

[5] Outra parte caiu em solo rochoso, onde a terra era pouca, e logo nasceu, visto não ser profunda a terra.

[6] Saindo, porém, o sol, a queimou; e, porque não tinha raiz, secou-se.

[7] Outra caiu entre os espinhos, e os espinhos cresceram e a sufocaram.

[8] Outra, enfim, caiu em boa terra e deu fruto: a cem, a sessenta e a trinta por um.

[9] Quem tem ouvidos [para ouvir], ouça.

A explicação da parábola

Marcos 4.10-20; Lucas 8.9-15

[10] Então, se aproximaram os discípulos e lhe perguntaram: Por que lhes falas por parábolas?

[11] Ao que respondeu: Porque a vós outros é dado conhecer os mistérios do reino dos

[50]óir, duine ar bith a dhéanfaidh toil m'Athar atá ar neamh, is bráthair dom é agus is siúr agus is máthair."

Matha 13

Parabail na Ríochta: An Síoladóir

[1]Tháinig Íosa amach as an teach an lá sin agus chuaigh ina shuí cois na farraige,

[2]agus tháinig sluaite chomh mór sin le chéile ag triall air go ndeachaigh sé isteach i mbád agus gur shuigh inti, agus an slua go léir ina seasamh ar an gcladach.

[3]Agus rinne sé mórán cainte leo i bparabail. Dúirt: "Chuaigh an síoladóir amach ag cur an tsíl.

[4]Agus sa síolchur dó, thit cuid den ghrán le hais an bhóthair, agus tháinig an éanlaith á ithe suas.

[5]Thit cuid eile de ar na creaga, áit nach raibh mórán ithreach ann dó, agus nuair nach raibh an ithir dhomhain aige, d'eascair sé gan mhoill.

[6]Ar éirí don ghrian, áfach, loisceadh é, agus d'fheoigh sé de cheal fréimhe.

[7]Cuid eile fós de, thit sé i measc an deilgnigh, agus d'fhás an deilgneach aníos agus phlúch é.

[8]Ach bhí cuid eile de a thit ar an talamh maith agus thug sé toradh uaidh, toradh faoi chéad in áit, faoi sheasca in áit eile, faoi thríocha in áit eile.

[9]A té a bhfuil cluasa air, éisteadh sé!"

An Fáth a Labhraíonn Críost i bParabail

[10]Tháinig na deisceabail chuige á rá: "Cén fáth ar i bparabail atá tú ag caint leo?"

[11]Dúirt sé leo á bhfreagairt: "Is é fáth é, mar tá sé tugtha daoibhse eolas a bheith agaibh ar

céus, mas àqueles não lhes é isso concedido.

12 Pois ao que tem se lhe dará, e terá em abundância; mas, ao que não tem, até o que tem lhe será tirado.

13 Por isso, lhes falo por parábolas; porque, vendo, não vêem; e, ouvindo, não ouvem, nem entendem.

14 De sorte que neles se cumpre a profecia de Isaías: Ouvireis com os ouvidos e de nenhum modo entendereis; vereis com os olhos e de nenhum modo percebereis.

15 Porque o coração deste povo está endurecido, de mau grado ouviram com os ouvidos e fecharam os olhos; para não suceder que vejam com os olhos, ouçam com os ouvidos, entendam com o coração, se convertam e sejam por mim curados.

16 Bem-aventurados, porém, os vossos olhos, porque vêem; e os vossos ouvidos, porque ouvem.

17 Pois em verdade vos digo que muitos profetas e justos desejaram ver o que vedes e não viram; e ouvir o que ouvis e não ouviram.

18 Atendei vós, pois, à parábola do semeador.

19 A todos os que ouvem a palavra do reino e não a compreendem, vem o maligno e arrebata o que lhes foi semeado

rúndiamhra ríocht na bhflaitheas, ach níl sé tugtha dóibh siúd.

12Óir, duine ar bith a mbíonn ní aige, tabharfar dó agus beidh fuílleach aige; ach duine ar bith a bhíonn gan ní, fiú amháin a mbíonn aige bainfear de é.

13Agus sin é an fáth a bhfuilim ag caint i bparabail leo, mar feiceann siad gan feiceáil agus cluineann siad gan cloisteáil agus gan tuiscint.

14Agus sin mar atá á comhlíonadh iontu an tairngreacht a rinne Íseáia: ‘Beidh sibh ag cloisteáil go deimhin ach ní thuigfidh sibh, beidh sibh ag breathnú go deimhin, ach ní fheicfidh sibh,

15óir chuaigh croí an phobail seo chun raimhre, d'éist siad le cluasa bodhránta, d'iaigh siad a súile, d'eagla go mbeadh radharc na súl acu, ná clos na gcluas, ná tuiscint an chroí, agus go n-iompóidís agus go leigheasfainn iad.’

16“Ach is méanar do bhur súilese mar go bhfeiceann said agus do bhur gcluasa mar go n-éisteann siad.

17Deirim libh go fírinneach, b'é ba mhian le mórán fáithe agus fíréan na nithe a fheiceáil a fheiceann sibhse agus ní fhaca siad iad, agus na nithe a chloisteáil a chluineann sibhse agus níor chuala siad iad.”

Parabal an tSíoladóra á Mhíniú

18“Sibhse mar sin, éistigí le parabal an tsíoladóra.

19Duine ar bith a chluineann briathar na ríochta agus nach dtuigeann é, tagann Fear an Oilc agus sciobann sé leis an ní a cuireadh ina chroí: agus sin é an duine a ghlac an síol le hais an bhóthair.

no coração. Este é o que foi semeado à beira do caminho.

[20] O que foi semeado em solo rochoso, esse é o que ouve a palavra e a recebe logo, com alegria;

[21] mas não tem raiz em si mesmo, sendo, antes, de pouca duração; em lhe chegando a angústia ou a perseguição por causa da palavra, logo se escandaliza.

[22] O que foi semeado entre os espinhos é o que ouve a palavra, porém os cuidados do mundo e a fascinação das riquezas sufocam a palavra, e fica infrutífera.

[23] Mas o que foi semeado em boa terra é o que ouve a palavra e a compreende; este frutifica e produz a cem, a sessenta e a trinta por um.

A parábola do joio

[24] Outra parábola lhes propôs, dizendo: O reino dos céus é semelhante a um homem que semeou boa semente no seu campo;

[25] mas, enquanto os homens dormiam, veio o inimigo dele, semeou o joio no meio do trigo e retirou-se.

[26] E, quando a erva cresceu e produziu fruto, apareceu também o joio.

[27] Então, vindo os servos do dono da casa, lhe disseram: SENHOR, não semeaste boa semente no teu campo? Donde vem, pois, o joio?

[28] Ele, porém, lhes respondeu: Um inimigo fez isso. Mas os servos lhe perguntaram: Queres que vamos e arranquemos o joio?

[20]An duine a ghlac an síol ar na creaga, sin é an duine a chluineann an briathar agus a ghabhann chuige le háthas é láithreach,

[21]ach ní bhíonn fréamh aige ann féin, ach é neamhbhuan; an túisce is a thagann trioblóid nó géarleanúint mar gheall ar an mbriathar, cliseann air.

[22]An duine a ghlac an síol sa deilgneach, sin é an duine a chluineann an briathar, ach go mbíonn cúram an tsaoil agus mealladh an tsaibhris ag plúchadh an bhriathair agus fágtar gan toradh a thabhairt é.

[23]Ach an duine a ghlac an síol ar an talamh maith, sin é an duine a chluineann an briathar agus a thuigeann é; agus tugann sé sin toradh uaidh gan teip, faoi chéad nó faoi sheasca, nó faoi thríocha de réir mar a bhíonn."

An tArbhar agus an Cogal

[24]Chuir sé parabal eile os a gcomhair: "Is iad dála ríocht na bhflaitheas," ar seisean, "mar a bhí ag an duine a chuir síol maith ina ghort.

[25]Ach fad a bhí an saol ina chodladh, bhí namhaid dó a tháinig ag scaipeadh cogail anuas ar an arbhar, agus d'imigh.

[26]Tháinig an t-arbhar aníos ina gheamhar, agus ansin ina dhias agus an uair sin chonacthas an cogal freisin.

[27]Tháinig a chuid sclábhaí go dtí an fear tí agus dúirt siad leis: 'A mháistir, an síol a chuir tú i do ghort, nach síol maith a bhí ann? Agus cad a thug an cogal ann más ea? '

[28]Dúirt sé leo: 'Namhaid éigin a rinne an méid sin.' 'Agus ar mhaith leat, ' deir na sclábhaí leis, 'go rachaimis á bhailiú chun a chéile? '

[29] Não! Replicou ele, para que, ao separar o joio, não arranqueis também com ele o trigo.

[30] Deixai-os crescer juntos até à colheita, e, no tempo da colheita, direi aos ceifeiros: ajuntai primeiro o joio, atai-o em feixes para ser queimado; mas o trigo, recolhei-o no meu celeiro.

A parábola do grão de mostarda
Marcos 4.30-32; Lucas 13.18-19

[31] Outra parábola lhes propôs, dizendo: O reino dos céus é semelhante a um grão de mostarda, que um homem tomou e plantou no seu campo;

[32] o qual é, na verdade, a menor de todas as sementes, e, crescida, é maior do que as hortaliças, e se faz árvore, de modo que as aves do céu vêm aninhar-se nos seus ramos.

A parábola do fermento
Lucas 13.20-21

[33] Disse-lhes outra parábola: O reino dos céus é semelhante ao fermento que uma mulher tomou e escondeu em três medidas de farinha, até ficar tudo levedado.

Por que Jesus falou por parábolas
Marcos 4.33-34

[34] Todas estas coisas disse Jesus às multidões por parábolas e sem parábolas nada lhes dizia;

[35] para que se cumprisse o que foi dito por intermédio do profeta: Abrirei em parábolas a minha boca; publicarei coisas ocultas desde a criação [do mundo].

A explicação da parábola do joio

[36] Então, despedindo as multidões, foi Jesus para casa. E, chegando-se a ele os

[29]‘Ná déanaigí, ’ ar seisean, ‘ar eagla, nuair a bheadh sibh ag bailiú an chogail, go sracfadh sibh an t-arbhar aníos san am céanna.

[30]Fágtar le hais a chéile ag fás iad araon go dtí an fómhar, agus nuair a bheidh an fómhar á dhéanamh déarfaidh mé leis na buanaithe: Bailígí an cogal chun a chéile ar dtús, agus déanaigí punanna de chun a dhóite. Ach cruinnígí an t-arbhar isteach i mo scioból.’ ”

An Gráinne Mustaird: An Ghabháil

[31]Chuir sé parabal eile os a gcomhair: “Is cosúil ríocht na bhflaitheas,” ar seisean, “le gráinne de shíol mustaird a thóg duine agus a chuir sé ina ghort.

[32]Is é an gráinnín síl is lú ar bith é, ach nuair a bhíonn sé fásta, bíonn sé ar an gceann is mó de na glasraí agus déantar crann de, a bhféadann éanlaith an aeir dul ar foscadh ina chraobhacha.”

[33]D'inis sé parabal eile dóibh: “Is cosúil ríocht na bhflaitheas le gabháil a thóg bean agus a d'fholaigh sí i dtrí pheic plúir nó go raibh sé gabháilte ar fad.”

[34]Labhair Íosa na nithe sin uile i bparabail leis na sluaite: ní dhéanadh sé caint ar bith leo gan pharabal,

[35]agus sin mar a comhlíonadh a ndúradh tríd an bhfáidh: “Labhróidh mé i bparabail, nochtfaidh mé nithe ba rún ó thúsú an domhain.”

Parabal an Chogail á Mhíniú

[36]D'fhág sé na sluaite an uair sin agus chuaigh sé isteach sa teach. Tháinig a dheisceabail

seus discípulos, disseram: Explica-nos a parábola do joio do campo.

[37] E ele respondeu: O que semeia a boa semente é o Filho do Homem;

[38] o campo é o mundo; a boa semente são os filhos do reino; o joio são os filhos do maligno;

[39] o inimigo que o semeou é o diabo; a ceifa é a consumação do século, e os ceifeiros são os anjos.

[40] Pois, assim como o joio é colhido e lançado ao fogo, assim será na consumação do século.

[41] Mandará o Filho do Homem os seus anjos, que ajuntarão do seu reino todos os escândalos e os que praticam a iniqüidade

[42] e os lançarão na fornalha acesa; ali haverá choro e ranger de dentes.

[43] Então, os justos resplandecerão como o sol, no reino de seu Pai. Quem tem ouvidos [para ouvir], ouça.

A parábola do tesouro escondido

[44] O reino dos céus é semelhante a um tesouro oculto no campo, o qual certo homem, tendo-o achado, escondeu. E, transbordante de alegria, vai, vende tudo o que tem e compra aquele campo.

A parábola da pérola

[45] O reino dos céus é também semelhante a um que negocia e procura boas pérolas;

[46] e, tendo achado uma pérola de grande valor, vende tudo o que possui e a compra.

A parábola da rede

[47] O reino dos céus é ainda semelhante a uma rede que, lançada ao mar, recolhe peixes de toda espécie.

chuige agus dúirt siad: “Mínigh dúinn an parabal úd an chogail sa ghort.”

[37]D'fhreagair sé iad á rá: “An té a chuireann an síol maith, sin é Mac an Duine.

[38]Is é an domhan an gort. An síol maith muintir na ríochta. Dream an oilc an cogal,

[39]agus is é an diabhal an namhaid a scaipeann é. Is é deireadh an tsaoil an fómhar agus is iad na haingil na buanaithe.

[40]Amhail mar a bhailítear an cogal chun é dhó sa tine, sin mar a bheidh i ndeireadh an tsaoil.

[41]Cuirfidh Mac an Duine a aingil amach agus baileoidh siad gach ábhar scannail as a ríocht agus na daoine a thaobhaíonn an t-olc,

[42]agus teilgfidh siad san fhoirnéis tine iad. Is ann a bheidh gol agus díoscán fiacla.

[43]Beidh na fíréin an uair sin ag lonradh ar nós na gréine i ríocht a nAthar. An té a bhfuil cluasa air, éisteadh sé!”

An Stór Folaithe: An Péarla: An Eangach

[44]“Is cosúil ríocht na bhflaitheas le stór a bhí i bhfolach i ngort, agus an fear a d'aimsigh é d'fholaigh, gur imigh le barr áthais ag díol a raibh aige gur cheannaigh an gort sin.

[45]“Nó fós, is cosúil ríocht na bhflaitheas le ceannaí a bhí ag lorg péarlaí breátha.

[46]Tharla aon phéarla amháin leis a bhí róluachmhar, agus d'imigh agus dhíol a raibh aige gur cheannaigh sé é.

[47]“Nó fós, is cosúil ríocht na bhflaitheas le heangach a cuireadh san fharraige agus a ghabh gach uile shórt.

[48] E, quando já está cheia, os pescadores arrastam-na para a praia e, assentados, escolhem os bons para os cestos e os ruins deitam fora.

[49] Assim será na consumação do século: sairão os anjos, e separarão os maus dentre os justos,

[50] e os lançarão na fornalha acesa; ali haverá choro e ranger de dentes.

Coisas novas e velhas

[51] Entendestes todas estas coisas? Responderam-lhe: Sim!

[52] Então, lhes disse: Por isso, todo escriba versado no reino dos céus é semelhante a um pai de família que tira do seu depósito coisas novas e coisas velhas.

Jesus prega em Nazaré. É rejeitado pelos seus

Marcos 6.1-6; Lucas 4.16-30

[53] Tendo Jesus proferido estas parábolas, retirou-se dali.

[54] E, chegando à sua terra, ensinava-os na sinagoga, de tal sorte que se maravilhavam e diziam: Donde lhe vêm esta sabedoria e estes poderes miraculosos?

[55] Não é este o filho do carpinteiro? Não se chama sua mãe Maria, e seus irmãos, Tiago, José, Simão e Judas?

[56] Não vivem entre nós todas as suas irmãs? Donde lhe vem, pois, tudo isto?

[57] E escandalizavam-se nele. Jesus, porém, lhes disse: Não há profeta sem honra, senão na sua terra e na sua casa.

[58] E não fez ali muitos milagres, por causa da incredulidade deles.

[48]Ar bheith lán di, tharraing siad aníos ar an gcladach í, shuigh siad síos ansin ag cnuasach gach tairbhe i soithí agus ag caitheamh na dramhaíola uathu.

[49]Sin mar a bheidh i ndeireadh an tsaoil: rachaidh na haingil amach agus scarfaidh siad na drochdhaoine ó na fíréin

[50]agus teilgfidh siad san fhoirnéis tine iad. Is ann a bheidh gol agus díoscán fiacla.

[51]“Ar thuig sibh na nithe sin uile?” “Thuigeamar,” ar siad leis.

[52]Dúirt sé leo: “Sin an fáth, gach scríobhaí a bhíonn ina dheisceabal de ríocht na bhflaitheas, gur cosúil é le fear tí a thógann amach as a stór nithe nua agus sean.”

Íosa ina Dhúiche Féin

[53]Ansin, nuair a bhí deireadh na bparabal sin inste aige, d'fhág Íosa an áit sin;

[54]agus ar theacht ina dhúiche féin dó, bhíodh sé ag teagasc na ndaoine ina sionagóg, ionas gur ghabh iontas iad: “Cá bhfuair sé seo,” deiridís, “an eagna seo agus na míorúiltí?

[55]Nach é mac an tsaoir adhmaid é seo? Nach í a mháthair an bhean a bhfuil Muire uirthi? Agus nach iad Séamas agus Iósaef agus Síomón agus Iúdás a bhráithre?

[56]A shiúracha freisin, nach bhfuil siad uile inár measc? Cá bhfuair sé na nithe seo uile, mar sin?”

[57]Agus ghlac siad scannal ann. Ach dúirt Íosa leo: “Ní bhíonn fáidh faoi neamhchion ach amháin ina dhúiche agus ina theaghlach féin.”

[58]Agus ní dhearna sé mórán míorúiltí ansiúd de dheasca a ndíchreidimh.

Mateus 14

A morte de João Batista
Marcos 6.14-29; Lucas 9.7-9

[1] Por aquele tempo, ouviu o tetrarca Herodes a fama de Jesus

[2] e disse aos que o serviam: Este é João Batista; ele ressuscitou dos mortos, e, por isso, nele operam forças miraculosas.

[3] Porque Herodes, havendo prendido e atado a João, o metera no cárcere, por causa de Herodias, mulher de Filipe, seu irmão;

[4] pois João lhe dizia: Não te é lícito possuí-la.

[5] E, querendo matá-lo, temia o povo, porque o tinham como profeta.

[6] Ora, tendo chegado o dia natalício de Herodes, dançou a filha de Herodias diante de todos e agradou a Herodes.

[7] Pelo que prometeu, com juramento, dar-lhe o que pedisse.

[8] Então, ela, instigada por sua mãe, disse: Dá-me, aqui, num prato, a cabeça de João Batista.

[9] Entristeceu-se o rei, mas, por causa do juramento e dos que estavam com ele à mesa, determinou que lha dessem;

[10] e deu ordens e decapitou a João no cárcere.

[11] Foi trazida a cabeça num prato e dada à jovem, que a levou a sua mãe.

Matha 14

Bás Eoin Baiste

[1]San am sin, chuala Héaród, an rí cúige, iomrá faoi Íosa,

[2]agus dúirt sé le lucht a chúirte: “Eoin Baiste é seo: tá sé éirithe ó mhairbh, agus sin é an fáth a bhfuil na míorúiltí á n-oibriú tríd.”

[3]Is amhlaidh a bhí Héaród tar éis Eoin a ghabháil agus é chur i ngéibheann agus i bpriosún mar gheall ar Héaróidias, bean Philib a dhearthái r.

[4]Mar dúirt Eoin leis: “Ní ceadmhach duit í bheith agat.”

[5]Ba mhaith le Héaród é chur chun báis ach eagla bheith air roimh na daoine, mar bhí meas fáidh acu air.

[6]Ach nuair a bhí cuimhne lae a bhreithe á comóradh ag Héaród, rinne iníon Héaróidias rince os comhair na cuideachta agus thaitin sí chomh mór sin le Héaród

[7]gur gheall sé faoi bhrí na mionn rud ar bith a d'iarrfadh sí a thabhairt di.

[8]Bhí ceacht faighte óna máthair aici seo áfach: “Tabhair dom anseo ar mhias,” ar sise, “ceann Eoin Baiste.”

[9]Bhuail aiféala an rí, ach mar gheall ar a mhionn agus ar na daoine a bhí ag bord leis, d'ordaigh sé an aisce a thabhairt di,

[10]agus chuir faoi deara Eoin a dhícheannadh sa phríosún.

[11]Tugadh a cheann isteach ar mhias le tabhairt don chailín agus rug sise ag triall ar a máthair é.

[12] Então, vieram os seus discípulos, levaram o corpo e o sepultaram; depois, foram e o anunciaram a Jesus.

A primeira multiplicação de pães e peixes

Marcos 6.30-44; Lucas 9.10-17; João 6.1-13

[13] Jesus, ouvindo isto, retirou-se dali num barco, para um lugar deserto, à parte; sabendo-o as multidões, vieram das cidades seguindo-o por terra.

[14] Desembarcando, viu Jesus uma grande multidão, compadeceu-se dela e curou os seus enfermos.

[15] Ao cair da tarde, vieram os discípulos a Jesus e lhe disseram: O lugar é deserto, e vai adiantada a hora; despede, pois, as multidões para que, indo pelas aldeias, comprem para si o que comer.

[16] Jesus, porém, lhes disse: Não precisam retirar-se; dai-lhes, vós mesmos, de comer.

[17] Mas eles responderam: Não temos aqui senão cinco pães e dois peixes.

[18] Então, ele disse: Trazei-mos.

[19] E, tendo mandado que a multidão se assentasse sobre a relva, tomando os cinco pães e os dois peixes, erguendo os olhos ao céu, os abençoou. Depois, tendo partido os pães, deu-os aos discípulos, e estes, às multidões.

[20] Todos comeram e se fartaram; e dos pedaços que sobejaram recolheram ainda doze cestos cheios.

[21] E os que comeram foram cerca de cinco mil homens, além de mulheres e crianças.

Jesus anda por sobre o mar

Marcos 6.45-52; João 6.15-21

[12]Tháinig deisceabail Eoin agus thóg siad leo an corp chun a adhlactha; tháinig siad ansin á insint d'Íosa.

Céad Mhíorúilt na mBuilíní agus na nIasc

[13]Agus nuair a chuala Íosa é, chuaigh sé i leataobh as sin i mbád go dtí áit uaigneach ar leithligh. Ach fuair na sluaite scéala air, agus tháinig siad amach as na cathracha á leanúint dá gcois.

[14]Ar theacht i dtír dó, chonaic sé slua mór agus ghlac sé trua dóibh agus leigheas na hothair a bhí leo.

[15]Nuair a bhí an tráthnóna ann, áfach, tháinig na deisceabail chuige agus dúirt siad: "Áit uaigneach é seo agus tá sé deireanach feasta. Mar sin, scaoil uait na sluaite go dtéidís isteach sna bailte agus bia a cheannach dóibh féin."

[16]Ach dúirt Íosa leo: "Ní gá dóibh imeacht; tugaigí sibhse rud le hithe dóibh."

[17]"Ach," ar siadsan leis, "níl anseo againne ach cúig builíní agus dhá iasc."

[18]"Tugaigí chugam anseo iad," ar seisean.

[19]D'ordaigh sé do na sluaite luí fúthu ar an bhféar; thóg sé na cúig builíní agus an dá iasc, agus, ar dhearcadh suas chun na bhflaitheas dó, bheannaigh, bhris, agus thug na builíní do na deisceabail, agus thug na deisceabail do na sluaite iad.

[20]D'ith siad uile agus bhí siad sách, agus thóg siad suas an bruscar fuílligh, lán dhá chiseán déag.

[21]Timpeall cúig mhíle fear a fuair an béile, gan mná ná páistí a áireamh.

Críost agus Peadar ag Siúl ar an bhFarraige

[22] Logo a seguir, compeliu Jesus os discípulos a embarcar e passar adiante dele para o outro lado, enquanto ele despedia as multidões.
[23] E, despedidas as multidões, subiu ao monte, a fim de orar sozinho. Em caindo a tarde, lá estava ele, só.
[24] Entretanto, o barco já estava longe, a muitos estádios da terra, açoitado pelas ondas; porque o vento era contrário.
[25] Na quarta vigília da noite, foi Jesus ter com eles, andando por sobre o mar.
[26] E os discípulos, ao verem-no andando sobre as águas, ficaram aterrados e exclamaram: É um fantasma! E, tomados de medo, gritaram.
[27] Mas Jesus imediatamente lhes disse: Tende bom ânimo! Sou eu. Não temais!
[28] Respondendo-lhe Pedro, disse: Se és tu, SENHOR, manda-me ir ter contigo, por sobre as águas.
[29] E ele disse: Vem! E Pedro, descendo do barco, andou por sobre as águas e foi ter com Jesus.
[30] Reparando, porém, na força do vento, teve medo; e, começando a submergir, gritou: Salva-me, SENHOR!
[31] E, prontamente, Jesus, estendendo a mão, tomou-o e lhe disse: Homem de pequena fé, por que duvidaste?
[32] Subindo ambos para o barco, cessou o vento.

[22]Ansin chuir sé d'fhiacha ar na deisceabail dul ar bord agus imeacht roimhe go dtí an taobh thall fad a bheadh sé féin ag scaoileadh na sluaite uaidh.
[23]Agus tar éis a scaoilte dó, chuaigh sé an sliabh suas ar leithligh chun guí, agus nuair a bhí an tráthnóna ann bhí sé ansiúd ina aonar.
[24]Bhí an bád faoin am sin mórán staideanna amach ón talamh, á bocadh ag na farraigí, mar bhí an ghaoth contrártha.
[25]Sa cheathrú faire den oíche, tháinig sé chucu ag siúl ar an bhfarraige.
[26]Nuair a chonaic na deisceabail é, agus é ag siúl ar an bhfarraige, bhí siad buartha: "Taibhse atá ann!" ar siad, agus scread siad amach le barr eagla.
[27]Ach labhair Íosa leo láithreach: "Bíodh misneach agaibh!" ar seisean, "mise atá ann, ná bíodh eagla oraibh."
[28]D'fhreagair Peadar é: "A Thiarna," ar seisean, "más tú atá ann, ordaigh mé a theacht chugat ar bharr an uisce."
[29]Dúirt Íosa: "Tar!" Agus tháinig Peadar amach as an mbád agus shiúil ar bharr an uisce ag déanamh ar Íosa.
[30]Ach nuair a d'airigh sé chomh borb agus a bhí an ghaoth, rug an eagla air; thosaigh ag dul faoi uisce agus scread sé amach: "A Thiarna, saor mé!" ar seisean.
[31]Shín Íosa amach a lámh láithreach, agus ag breith greama air dúirt: "A fhir an bheagán creidimh, cén fáth ar tháinig amhras ort?"
[32]Ar dhul isteach sa bhád dóibh, thit an ghaoth.

[33] E os que estavam no barco o adoraram, dizendo: Verdadeiramente és Filho de Deus!

Jesus em Genesaré
Marcos 6.53-56

[34] Então, estando já no outro lado, chegaram a terra, em Genesaré.

[35] Reconhecendo-o os homens daquela terra, mandaram avisar a toda a circunvizinhança e trouxeram-lhe todos os enfermos;

[36] e lhe rogavam que ao menos pudessem tocar na orla da sua veste. E todos os que tocaram ficaram sãos.

Mateus 15

Jesus e a tradição dos anciãos. O que contamina o homem
Marcos 7.1-23

[1] Então, vieram de Jerusalém a Jesus alguns fariseus e escribas e perguntaram:

[2] Por que transgridem os teus discípulos a tradição dos anciãos? Pois não lavam as mãos, quando comem.

[3] Ele, porém, lhes respondeu: Por que transgredis vós também o mandamento de Deus, por causa da vossa tradição?

[4] Porque Deus ordenou: Honra a teu pai e a tua mãe; e: Quem maldisser a seu pai ou a sua mãe seja punido de morte.

[5] Mas vós dizeis: Se alguém disser a seu pai ou a sua mãe: É oferta ao SENHOR aquilo que poderias aproveitar de mim;

[6] esse jamais honrará a seu pai ou a sua mãe. E, assim, invalidastes a palavra de Deus, por causa da vossa tradição.

[33]Agus iad seo a bhí sa bhád, d'umhlaigh siad síos ina láthair ag rá: “Go dearfa, is tú Mac Dé.”

Íosa i nGeinéasaireit

[34]Ar dhul trasna dóibh bhuail siad talamh ag Geinéasaireit.

[35]Nuair a d'aithin muintir na háite sin é, chuir siad scéala ar fud na tíre sin go léir timpeall agus tugadh chuige iad seo go léir a bhí tinn,

[36]agus bhí siad á iarraidh air a ligean dóibh fiú amháin a lámh a chur le scothóg a bhrait, agus oiread díobh agus a chuir, bhí siad iomlán.

Matha 15

Traidisiún na nGiúdach agus an Dlí

[1]Tháinig ó Iarúsailéim ansin ag triall ar Íosa Fairisínigh agus scríobhaithe a dúirt:

[2]“Cén fáth a sáraíonn do dheisceabail traidisiún na sinsear? Ní dhéanann siad a lámha a ní nuair a bhíonn siad ag caitheamh a gcoda.”

[3]“Agus cén fáth,” ar seisean leo á bhfreagairt, “a sáraíonn sibh féin aithne Dé ar son an traidisiúin seo agaibh?

[4]Óir dúirt Dia: ‘Tabhair onóir do d'athair agus do do mháthair’; agus: ‘An té a labhraíonn go haithiseach lena athair nó lena mháthair, bíodh ciorrú an bháis air’;

[5]ach is é a deir sibhse: ‘Cibé duine a deir lena athair nó lena mháthair: “Ní ar bith de mo chuidse a d'fhéadfadh dul chun sochair duitse, táim á choisreacan don Tiarna”;

[6]níl cead aige an onóir sin a thabhairt dá athair nó dá mháthair’; agus tá briathar Dé curtha ar neamhní agaibh ar son bhur dtraidisiúin.

[7] Hipócritas! Bem profetizou Isaías a vosso respeito, dizendo:

[8] Este povo honra-me com os lábios, mas o seu coração está longe de mim.

[9] E em vão me adoram, ensinando doutrinas que são preceitos de homens.

[10] E, tendo convocado a multidão, lhes disse: Ouvi e entendei:

[11] não é o que entra pela boca o que contamina o homem, mas o que sai da boca, isto, sim, contamina o homem.

[12] Então, aproximando-se dele os discípulos, disseram: Sabes que os fariseus, ouvindo a tua palavra, se escandalizaram?

[13] Ele, porém, respondeu: Toda planta que meu Pai celestial não plantou será arrancada.

[14] Deixai-os; são cegos, guias de cegos. Ora, se um cego guiar outro cego, cairão ambos no barranco.

[15] Então, lhe disse Pedro: Explica-nos a parábola.

[16] Jesus, porém, disse: Também vós não entendeis ainda?

[17] Não compreendeis que tudo o que entra pela boca desce para o ventre e, depois, é lançado em lugar escuso?

[18] Mas o que sai da boca vem do coração, e é isso que contamina o homem.

[19] Porque do coração procedem maus desígnios, homicídios, adultérios,

[7]A bhréagchráifeacha, is breá an tairngreacht a rinne Íseáia mar gheall oraibh nuair a dúirt:

[8]'Tugann an pobal seo onóir dom ó bheola ach is fada uaim atá a gcroí:

[9]Is díomhaoin dóibh bheith do m'adhradh, óir níl sa teagasc a mhúineann siad ach aitheanta daonna.' "

Fíorghlaine agus Glaine Bhréige

[10]Ghlaoigh sé an slua chuige agus dúirt sé leo: "Éistigí liom agus bainigí meabhair as an méid seo!

[11]Ní hé an rud a théann isteach sa bhéal a dhéanann neamhghlan an duine, ach an rud a thagann amach as an mbéal, sin é a dhéanann neamhghlan an duine."

[12]Tháinig na deisceabail chuige ansin agus dúirt siad leis: "An bhfuil a fhios agat, nuair a chuala na Fairisínigh an chaint sin, gur ghlac siad scannal inti?"

[13]D'fhreagair sé iad agus dúirt: "Planda ar bith nárbh é m'Athair neamhaí a phlandaigh é, sracfar as a fhréamha é.

[14]Ligigí dóibh. Daill iad ina ngiollaí i gcionn dall, agus má bhíonn dall ina ghiolla i gcionn daill, titfidh siad araon sa díog."

[15]Labhair Peadar leis: "Inis dúinn ciall an pharabail úd."

[16]Dúirt Íosa: "Sibhse freisin, nach bhfuil tuiscint agaibh fós féin?

[17]An ea nach dtuigeann sibh, rud ar bith a théann isteach sa bhéal, go ngabhann sé sa ghoile agus go scaoiltear sa leithreas é?

[18]Ní ionann agus na nithe a thagann amach as an mbéal, gur as an gcroí a thagann siad, agus déanann siadsan neamhghlan an duine.

[19]Óir is iad na nithe a thagann amach as an gcroí, drochsmaointe, dúnmharuithe, bearta

prostituição, furtos, falsos testemunhos, blasfêmias.

20 São estas as coisas que contaminam o homem; mas o comer sem lavar as mãos não o contamina.

A mulher cananeia
Marcos 7.24-30

21 Partindo Jesus dali, retirou-se para os lados de Tiro e Sidom.

22 E eis que uma mulher cananéia, que viera daquelas regiões, clamava: SENHOR, Filho de Davi, tem compaixão de mim! Minha filha está horrivelmente endemoninhada.

23 Ele, porém, não lhe respondeu palavra. E os seus discípulos, aproximando-se, rogaram-lhe: Despede-a, pois vem clamando atrás de nós.

24 Mas Jesus respondeu: Não fui enviado senão às ovelhas perdidas da casa de Israel.

25 Ela, porém, veio e o adorou, dizendo: SENHOR, socorre-me!

26 Então, ele, respondendo, disse: Não é bom tomar o pão dos filhos e lançá-lo aos cachorrinhos.

27 Ela, contudo, replicou: Sim, SENHOR, porém os cachorrinhos comem das migalhas que caem da mesa dos seus donos.

28 Então, lhe disse Jesus: Ó mulher, grande é a tua fé! Faça-se contigo como queres. E, desde aquele momento, sua filha ficou sã.

adhaltranais agus drúise, gadaíochtaí, fianaisí bréige, diamhaslaí.

20Sin iad na nithe a dhéanann neamhghlan an duine; ach ní dhéanann sé neamhghlan é má chaitheann sé a chuid gan a lámha a bheith nite.”

An Bhean ó Chanán

21Ar dhul amach as sin dó, chuaigh Íosa i leataobh go dtí ceantar na Tuíre agus Shíodóine.

22Agus bhí bean Chananach a tháinig amach as na críocha sin agus thosaigh sí ag glaoch os ard: “Déan trócaire orm, a Thiarna, a mhic Dháiví,” ar sise, “tá iníon agam agus í á crá go géar ag deamhan.”

23Ach ní dúirt Íosa focal ar bith á freagairt. Tháinig a dheisceabail chuige agus bhí siad ag impí air: “Scaoil uait í,” ar siad, “tá sí ag glaoch inár ndiaidh.”

24D'fhreagair agus dúirt: “Níor cuireadh mé ach amháin go dtí caoirigh caillte theaghlach Iosrael.”

25Ach tháinig an bhean agus d'fhan ar a dhá glúin ina láthair: “A Thiarna,” ar sise, “fóir orm.”

26D'fhreagair agus dúirt: “Níl sé oiriúnach arán na leanaí a thógáil agus é a chaitheamh chun na gcoileán.”

27Dúirt sise: “Cinnte, a Thiarna, agus itheann na coileáin féin na grabhróga a thiteann ó bhord a máistrí.”

28Ansin dúirt Íosa léi á freagairt: “Ó, is mór é do chreideamh, a bhean! Bíodh agat mar is áil leat.” Agus bhí a hiníon leigheasta ón nóiméad sin.

Jesus volta para o mar da Galileia e cura muitos enfermos

[29] Partindo Jesus dali, foi para junto do mar da Galiléia; e, subindo ao monte, assentou-se ali.

[30] E vieram a ele muitas multidões trazendo consigo coxos, aleijados, cegos, mudos e outros muitos e os largaram junto aos pés de Jesus; e ele os curou.

[31] De modo que o povo se maravilhou ao ver que os mudos falavam, os aleijados recobravam saúde, os coxos andavam e os cegos viam. Então, glorificavam ao Deus de Israel.

A segunda multiplicação de pães e peixes

Marcos 8.1-10

[32] E, chamando Jesus os seus discípulos, disse: Tenho compaixão desta gente, porque há três dias que permanece comigo e não tem o que comer; e não quero despedi-la em jejum, para que não desfaleça pelo caminho.

[33] Mas os discípulos lhe disseram: Onde haverá neste deserto tantos pães para fartar tão grande multidão?

[34] Perguntou-lhes Jesus: Quantos pães tendes? Responderam: Sete e alguns peixinhos.

[35] Então, tendo mandado o povo assentar-se no chão,

[36] tomou os sete pães e os peixes, e, dando graças, partiu, e deu aos discípulos, e estes, ao povo.

[37] Todos comeram e se fartaram; e, do que sobejou, recolheram sete cestos cheios.

Mórchuid Leigheasanna

[29]D'fhág Íosa an áit sin agus bhain amach bord farraige na Gailíle. Chuaigh sé an sliabh suas agus shuigh ansin.

[30]Agus tháinig na daoine chuige ina sluaite móra, agus bhí acu leo bacaigh agus mairtínigh agus daill agus balbháin agus mórán eile, agus shín siad ag a chosa iad agus leigheas sé iad.

[31]Agus rinne na sluaite ionadh de nuair a chonaic siad caint ag balbháin, mairtínigh slán, siúl ag bacaigh agus radharc ag daill; agus thug siad glóir do Dhia Iosrael.

Dara Míorúilt na mBuilíní

[32]Ghlaoigh Íosa a dheisceabail chuige agus dúirt: "Tá trua agam don slua, mar sin trí lá tugtha acu liom anois agus gan aon bhia acu. Agus níor mhaith liom iad a scaoileadh chun siúil ar céalacan le heagla go mbuailfeadh laige iad sa tslí dóibh."

[33]Ach dúirt na deisceabail leis: "Cá bhfaighimis a ndóthain aráin don slua seo, agus sinn san fhásach?"

[34]Dúirt Íosa leo: "Cé mhéad builín atá agaibh?" "Tá a seacht," ar siadsan, "agus tá beagán mioniasc."

[35]D'ordaigh sé don slua ligean fúthu ar an talamh,

[36]agus thóg sé na seacht mbuilíní agus na héisc, d'altaigh, bhris agus thug do na deisceabail iad, agus thug na deisceabail do na sluaite iad.

[37]D'ith siad uile agus bhí siad sách, agus thóg siad suas an bruscar fuílligh, lán seacht gcléibhíní.

[38] Ora, os que comeram eram quatro mil homens, além de mulheres e crianças.

[39] E, tendo despedido as multidões, entrou Jesus no barco e foi para o território de Magadã.

[38]Timpeall ceithre mhíle fear a fuair an béile, gan mná ná páistí a áireamh.

[39]Agus tar éis dó na sluaite a scaoileadh uaidh, chuaigh sé ar bord an bháid agus tháinig go críocha Mhagadan.

Mateus 16

Os fariseus e os saduceus pedem um sinal do céu

Marcos 8.11-13

[1] Aproximando-se os fariseus e os saduceus, tentando-o, pediram-lhe que lhes mostrasse um sinal vindo do céu.

[2] Ele, porém, lhes respondeu: Chegada a tarde, dizeis: Haverá bom tempo, porque o céu está avermelhado;

[3] e, pela manhã: Hoje, haverá tempestade, porque o céu está de um vermelho sombrio. Sabeis, na verdade, discernir o aspecto do céu e não podeis discernir os sinais dos tempos?

[4] Uma geração má e adúltera pede um sinal; e nenhum sinal lhe será dado, senão o de Jonas. E, deixando-os, retirou-se.

O fermento dos fariseus e dos saduceus

Marcos 8.14-21

[5] Ora, tendo os discípulos passado para o outro lado, esqueceram-se de levar pão.

[6] E Jesus lhes disse: Vede e acautelai-vos do fermento dos fariseus e dos saduceus.

[7] Eles, porém, discorriam entre si, dizendo: É porque não trouxemos pão.

[8] Percebendo-o Jesus, disse: Por que discorreis entre vós, homens de pequena fé, sobre o não terdes pão?

Matha 16

Gabháil na bhFairisíneach

[1]Tháinig na Fairisínigh agus na Sadúcaigh chuige, agus d'iarr siad air, ag baint trialach as, comhartha ó na flaithis a thaispeáint dóibh.

[2]Dúirt sé leo á bhfreagairt: "Nuair a bhíonn an tráthnóna ann deir sibh: 'Tá aimsir bhreá air: tá an spéir dearg';

[3]agus ar maidin: 'Déanfaidh sé drochaimsir inniu: tá an spéir dearg, gruama.' Tuigeann sibh conas dreach na spéire a bhreithniú; an ea nach féidir libh comharthaí na n-aimsirí seo a bhreithniú?

[4]Drochghlúin adhaltrach agus í ag lorg comhartha, agus gan de chomhartha le tabhairt di ach comhartha Ióna" - a bhfágáil ansin agus ag imeacht leis.

[5]Ag dul go dtí an taobh eile dóibh, ba é dearmad na ndeisceabal gan aon arán a thabhairt leo.

[6]Dúirt Íosa leo: "Bígí aireach do bhur seachaint féin ar ghabháil na bhFairisíneach agus na Sadúcach."

[7]Ach bhí siadsan ag machnamh mar seo ina gcroí: "Mar nár thugamar an t-arán linn."

[8]Ach bhí a fhios ag Íosa agus dúirt: "Cén fáth a bhfuil an machnamh seo in bhur gcroí, a lucht an bheagán creidimh, mar nár thug sibh an t-arán libh?

[9] Não compreendeis ainda, nem vos lembrais dos cinco pães para cinco mil homens e de quantos cestos tomastes?
[10] Nem dos sete pães para os quatro mil e de quantos cestos tomastes?
[11] Como não compreendeis que não vos falei a respeito de pães? E sim: acautelai-vos do fermento dos fariseus e dos saduceus.
[12] Então, entenderam que não lhes dissera que se acautelassem do fermento de pães, mas da doutrina dos fariseus e dos saduceus.

A confissão de Pedro

Marcos 8.27-30; Lucas 9.18-21

[13] Indo Jesus para os lados de Cesaréia de Filipe, perguntou a seus discípulos: Quem diz o povo ser o Filho do Homem?
[14] E eles responderam: Uns dizem: João Batista; outros: Elias; e outros: Jeremias ou algum dos profetas.
[15] Mas vós, continuou ele, quem dizeis que eu sou?
[16] Respondendo Simão Pedro, disse: Tu és o Cristo, o Filho do Deus vivo.
[17] Então, Jesus lhe afirmou: Bem-aventurado és, Simão Barjonas, porque não foi carne e sangue que to revelaram, mas meu Pai, que está nos céus.
[18] Também eu te digo que tu és Pedro, e sobre esta pedra edificarei a minha igreja, e as portas do inferno não prevalecerão contra ela.
[19] Dar-te-ei as chaves do reino dos céus; o que ligares na terra terá sido ligado nos

[9]Nach dtuigeann sibh fós, nó nach cuimhin libh na cúig builíní don chuig mhíle, agus cé mhéad ciseán a thóg sibh suas?
[10]Nó na seacht mbuilíní don cheithre mhíle agus cé mhéad cléibhín a thóg sibh suas?
[11]Cén fáth nach dtuigeann sibh nach ag caint ar arán a bhí mé libh? Ach seachnaígí sibh féin ar ghabháil na bhFairisíneach agus na Sadúcach."
[12]Thuig siad ansin narbh í gabháil an aráin a dúirt sé a bhí le seachaint acu, ach teagasc na bhFairisíneach agus na Sadúcach.

Admháil ó Pheadar: An Phríomhaíocht

[13]Ar theacht isteach i gceantar Chéasaráia Philib dó, d'fhiafraigh Íosa dá chuid deisceabal: "Cé hé a deir na daoine Mac an Duine?"
[14]Dúirt siad: "Deir cuid acu Eoin Baiste; cuid eile acu Éilias; tuilleadh acu Irimia nó duine de na fáithe."
[15]Dúirt sé leo: "Ach cé a deir sibhse mé?"
[16]Dúirt Síomón Peadar á fhreagairt: "Is tú an Críost, Mac Dé bheo."
[17]D'fhreagair Íosa agus dúirt sé leis: "Is méanar duit, a Shíomóin Bar Ióna, óir ní fuil agus feoil a d'fhoilsigh duit é ach m'Athair atá ar neamh.
[18]Agus deirimse leatsa gur tú Peadar agus is ar an gcarraig seo a thógfaidh mé m'eaglais, agus ní bhuafaidh geataí ifrinn uirthi.
[19]Agus tabharfaidh mé duit eochracha ríocht na bhflaitheas; rud ar bith a cheanglaíonn tú ar talamh beidh sé ceangailte ar neamh, agus rud

céus; e o que desligares na terra terá sido desligado nos céus.

[20] Então, advertiu os discípulos de que a ninguém dissessem ser ele o Cristo.

Jesus prediz a sua morte e ressurreição

Marcos 8.31-33; Lucas 9.22

[21] Desde esse tempo, começou Jesus Cristo a mostrar a seus discípulos que lhe era necessário seguir para Jerusalém e sofrer muitas coisas dos anciãos, dos principais sacerdotes e dos escribas, ser morto e ressuscitado no terceiro dia.

[22] E Pedro, chamando-o à parte, começou a reprová-lo, dizendo: Tem compaixão de ti, SENHOR; isso de modo algum te acontecerá.

[23] Mas Jesus, voltando-se, disse a Pedro: Arreda, Satanás! Tu és para mim pedra de tropeço, porque não cogitas das coisas de Deus, e sim das dos homens.

O discípulo de Cristo deve levar a sua cruz

Marcos 8.34—9.1; Lucas 9.23-27

[24] Então, disse Jesus a seus discípulos: Se alguém quer vir após mim, a si mesmo se negue, tome a sua cruz e siga-me.

[25] Porquanto, quem quiser salvar a sua vida perdê-la-á; e quem perder a vida por minha causa achá-la-á.

[26] Pois que aproveitará o homem se ganhar o mundo inteiro e perder a sua alma? Ou que dará o homem em troca da sua alma?

[27] Porque o Filho do Homem há de vir na glória de seu Pai, com os seus anjos, e, então, retribuirá a cada um conforme as suas obras.

ar bith a scaoileann tú ar talamh beidh sé scaoilte ar neamh.”

[20]Chuir sé mar acht ar na deisceabail ansin gan a rá le duine ar bith gurbh é féin an Críost.

An Pháis agus an tAiséirí -- An Chros agus an Choróin

[21]Ón uair sin amach, thosaigh Íosa á thaispeáint dá dheisceabail nárbh fholáir dó dul go Iarúsailéim agus mórán a fhulaingt ó na seanóirí agus ó uachtaráin na sagart agus ó na scríobhaithe, agus a chur chun báis, agus éirí an treas lá.

[22]Ach thug Peadar ar fhód ar leith é agus thosaigh ag tabhairt casaoide dó: “Go bhfóire Dia ort, a Thiarna,” ar seisean, “agus i bhfad uait sin!”

[23]Ach d'iompaigh Íosa thairis agus dúirt le Peadar: “Siar i mo dhiaidh leat, a Shátain! is ceap tuisle dom thú, mar ní hiad smaointe Dé atá i d'aigne ach smaointe daoine.”

[24]Ansin dúirt Íosa lena dheisceabail: “Más áil le haon duine bheith ar mo bhuíon, séanadh sé é féin, tógadh suas a chros agus leanadh mé.

[25]Óir cibé arb áil leis a anam a shaoradh, caillfidh sé é; ach cibé a chaillfidh a anam mar gheall ormsa, gheobhaidh sé é.

[26]Óir cá fearrde duine go ngnóthódh sé an domhan go léir dá ligfeadh sé a anam féin ar ceal? Nó cad a d'fhéadfadh duine a thabhairt mar mhalairt ar a anam?

[27]Óir tá Mac an Duine le teacht faoi ghlóir a Athar lena chuid aingeal, agus ansin cúiteoidh sé le gach duine de réir mar a rinne.

[28] Em verdade vos digo que alguns há, dos que aqui se encontram, que de maneira nenhuma passarão pela morte até que vejam vir o Filho do Homem no seu reino.

[28]Deirim libh go fírinneach, tá daoine anseo i láthair nach mblaisfidh an bás nó go mbeidh Mac an Duine feicthe acu ag teacht ina ríocht."

Mateus 17

A transfiguração
Marcos 9.2-8; Lucas 9.28-36

[1] Seis dias depois, tomou Jesus consigo a Pedro e aos irmãos Tiago e João e os levou, em particular, a um alto monte.

[2] E foi transfigurado diante deles; o seu rosto resplandecia como o sol, e as suas vestes tornaram-se brancas como a luz.

[3] E eis que lhes apareceram Moisés e Elias, falando com ele.

[4] Então, disse Pedro a Jesus: SENHOR, bom é estarmos aqui; se queres, farei aqui três tendas; uma será tua, outra para Moisés, outra para Elias.

[5] Falava ele ainda, quando uma nuvem luminosa os envolveu; e eis, vindo da nuvem, uma voz que dizia: Este é o meu Filho amado, em quem me comprazo; a ele ouvi.

[6] Ouvindo-a os discípulos, caíram de bruços, tomados de grande medo.

[7] Aproximando-se deles, tocou-lhes Jesus, dizendo: Erguei-vos e não temais!

[8] Então, eles, levantando os olhos, a ninguém viram, senão Jesus.

A vinda de Elias
Marcos 9.9-13

[9] E, descendo eles do monte, ordenou-lhes Jesus: A ninguém conteis a visão, até que

Matha 17

An Claochlú

[1]Sé lá ina dhiaidh sin, rug Íosa leis Peadar, Séamas agus a dhearth//áir Eoin, agus sheol sé suas iad sliabh ard ar leithligh.

[2]Agus tháinig claochlú air os comhair a súl: shoilsigh a ghnúis ar nós na gréine agus d'éirigh a chuid éadaigh chomh gléigeal leis an solas.

[3]Agus chonacthas dóibh Maois agus Éilias ag comhrá leis.

[4]Labhair Peadar: "A Thiarna," ar seisean le hÍosa, "is maith mar tharla anseo sinn: más maith leat é, déanfaidh mé trí bothanna san áit seo, ceann duit féin, ceann do Mhaois agus ceann d'Éilias."

[5]Sula raibh an focal as a bhéal, seo scamall solasmhar ina scáil anuas orthu, agus an glór as an scamall: "Is é seo mo Mhac muirneach dár thug mé gnaoi; éistigí leis."

[6]Agus le foghar an ghlóir sin, chaith na deisceabail iad féin ar a mbéal, lán d'uamhan.

[7]Tháinig Íosa chucu agus leag a lámh orthu: "Éirígí," ar seisean; "ná bíodh eagla oraibh."

[8]Ar dhearcadh suas dóibh, ní raibh neach ar bith le feiceáil acu ach Íosa féin amháin.

[9]Agus ar a slí anuas dóibh ón sliabh, thug Íosa ordú dóibh: "Ná labhraigí le duine ar bith faoin

o Filho do Homem ressuscite dentre os mortos.

10 Mas os discípulos o interrogaram: Por que dizem, pois, os escribas ser necessário que Elias venha primeiro?

11 Então, Jesus respondeu: De fato, Elias virá e restaurará todas as coisas.

12 Eu, porém, vos declaro que Elias já veio, e não o reconheceram; antes, fizeram com ele tudo quanto quiseram. Assim também o Filho do Homem há de padecer nas mãos deles.

13 Então, os discípulos entenderam que lhes falara a respeito de João Batista.

A cura de um jovem possesso

Marcos 9.14-29; Lucas 9.37-42

14 E, quando chegaram para junto da multidão, aproximou-se dele um homem, que se ajoelhou e disse:

15 SENHOR, compadece-te de meu filho, porque é lunático e sofre muito; pois muitas vezes cai no fogo e outras muitas, na água.

16 Apresentei-o a teus discípulos, mas eles não puderam curá-lo.

17 Jesus exclamou: Ó geração incrédula e perversa! Até quando estarei convosco? Até quando vos sofrerei? Trazei-me aqui o menino.

18 E Jesus repreendeu o demônio, e este saiu do menino; e, desde aquela hora, ficou o menino curado.

19 Então, os discípulos, aproximando-se de Jesus, perguntaram em particular: Por que motivo não pudemos nós expulsá-lo?

bhfís seo," ar seisean, "nó go mbeidh Mac an Duine éirithe ó mhairbh."

10Ach chuir a dheisceabail ceist air: "Cad é seo a deir na scríobhaithe, más ea, go gcaithfidh Éilias teacht ar dtús?"

11Ba é freagra a thug Íosa: "Sea, tá Éilias le teacht agus an uile ní a chur ina cheart arís.

12Ach deirim libh: tá Éilias tagtha cheana agus níor aithin siad é, ach a dtoil féin a imirt air. Agus ní taise do Mhac an Duine é, a mbeidh le fulaingt aige sin uathu freisin."

13Thuig na deisceabail ansin gur chun Eoin Baiste a bhí sé ina chomhrá leo.

Ógánach an Titimis á Leigheas

14Ar fhilleadh chun an tslua dóibh, tháinig fear ina airicis, chuaigh ar a dhá ghlúin

15agus dúirt: "A Thiarna, déan trócaire ar mo mhac, mar tá an titimeas air agus é an-dona: titeann sé isteach sa tine go minic agus san uisce go minic freisin;

16agus thugas chun do chuid deisceabal é ach ní fhéadfaidís é leigheas."

17D'fhreagair Íosa agus dúirt: "Ó a ghlúin dhíchreidmheach chlaon, cá fhad a bheidh mé faraibh? Cá fhad a bheidh mé ag cur suas libh? Tugaigí chugam anseo é."

18Labhair Íosa go bagrach leis, agus chuaigh an deamhan amach as agus bhí an t-ógánach leigheasta ón noiméad sin.

19Ina dhiaidh sin tháinig na deisceabail ag caint le hÍosa os íseal: "Cén fáth nárbh fhéidir dúinne é chaitheamh amach?"

[20] E ele lhes respondeu: Por causa da pequenez da vossa fé. Pois em verdade vos digo que, se tiverdes fé como um grão de mostarda, direis a este monte: Passa daqui para acolá, e ele passará. Nada vos será impossível.

[21] [Mas esta casta não se expele senão por meio de oração e jejum.]

De novo Jesus prediz a sua morte e ressurreição

Marcos 9.30-32; Lucas 9.43b-45

[22] Reunidos eles na Galiléia, disse-lhes Jesus: O Filho do Homem está para ser entregue nas mãos dos homens;

[23] e estes o matarão; mas, ao terceiro dia, ressuscitará. Então, os discípulos se entristeceram grandemente.

Jesus paga imposto

[24] Tendo eles chegado a Cafarnaum, dirigiram-se a Pedro os que cobravam o imposto das duas dracmas e perguntaram: Não paga o vosso Mestre as duas dracmas?

[25] Sim, respondeu ele. Ao entrar Pedro em casa, Jesus se lhe antecipou, dizendo: Simão, que te parece? De quem cobram os reis da terra impostos ou tributo: dos seus filhos ou dos estranhos?

[26] Respondendo Pedro: Dos estranhos, Jesus lhe disse: Logo, estão isentos os filhos.

[27] Mas, para que não os escandalizemos, vai ao mar, lança o anzol, e o primeiro peixe que fisgar, tira-o; e, abrindo-lhe a boca, acharás um estáter. Toma-o e entrega-lhes por mim e por ti.

[20]Dúirt sé leo: “De dheasca a laghad creidimh a bhí agaibh. Óir deirim libh go fírinneach: má bhíonn oiread an ghráinne síol mustaird de chreideamh agaibh, féadfaidh sibh a rá leis an sliabh seo: ‘Aistrigh as seo anonn’, agus aistreoidh, agus ní bheidh rud ar bith a rachaidh díbh.

[21](An sórt seo, áfach, ní théann sé amach ach amháin trí ghuí agus trí throscadh.)”

Páis agus Aiséirí: Tairngreacht Eile

[22]Bhí siad i gcuideachta a chéile sa Ghailíl nuair a dúirt Íosa leo: “Titfidh sé amach go dtabharfar Mac an Duine ar láimh do dhaoine,

[23]go gcuirfidh siad chun báis é agus go n-éireoidh sé an treas lá.” Agus ghabh buaireamh mór iad.

Cáin an Teampaill

[24]Ar theacht isteach i gCafarnáum dóibh, tháinig lucht bailithe an dá dhrachma ag triall ar Pheadar agus dúirt siad leis: “Nach n-íocann bhur máistir an dá dhrachma?” ar siad.

[25]“Íocann,” ar seisean. Ach ar dhul isteach sa teach dó, bhain Íosa tosach an scéil de á rá leis: “Do bharúilse, a Shiomóin: cé uathu a dtobhann prionsaí an tsaoil seo cíos nó cáin - an óna gclann féin nó ó choimhthígh?”

[26]Nuair a dúirt sé gur ó choimhthígh, dúirt Íosa leis: “Dá réir sin, tá an chlann saor.

[27]Ach le heagla go dtabharfaimis scannal do na daoine seo, téigh síos chun na farraige agus caith amach duán, agus an chéad iasc a thiocfaidh aníos tóg é agus nuair a osclóidh tú a bhéal gheobhaidh tú státar ann. Tóg é sin agus íoc leo mo tháillese agus do tháille féin.”

Mateus 18

O maior no reino dos céus
Marcos 9.33-37; Lucas 9.46-48

[1] Naquela hora, aproximaram-se de Jesus os discípulos, perguntando: Quem é, porventura, o maior no reino dos céus?

[2] E Jesus, chamando uma criança, colocou-a no meio deles.

[3] E disse: Em verdade vos digo que, se não vos converterdes e não vos tornardes como crianças, de modo algum entrareis no reino dos céus.

[4] Portanto, aquele que se humilhar como esta criança, esse é o maior no reino dos céus.

[5] E quem receber uma criança, tal como esta, em meu nome, a mim me recebe.

Os tropeços
Marcos 9.42-48; Lucas 17.1-2

[6] Qualquer, porém, que fizer tropeçar a um destes pequeninos que crêem em mim, melhor lhe fora que se lhe pendurasse ao pescoço uma grande pedra de moinho, e fosse afogado na profundeza do mar.

[7] Ai do mundo, por causa dos escândalos; porque é inevitável que venham escândalos, mas ai do homem pelo qual vem o escândalo!

[8] Portanto, se a tua mão ou o teu pé te faz tropeçar, corta-o e lança-o fora de ti; melhor é entrares na vida manco ou aleijado do que, tendo duas mãos ou dois pés, seres lançado no fogo eterno.

[9] Se um dos teus olhos te faz tropeçar, arranca-o e lança-o fora de ti; melhor é

Matha 18

An Té is Mó: An Scannal

[1]Tháinig na deisceabail san am sin ag triall ar Íosa chun a rá: “Cé hé mar sin an té is mó i ríocht na bhflaitheas?”

[2]Ghlaoigh sé leanbh chuige, chuir ina sheasamh ina lár é

[3]agus dúirt: “Deirim libh go fírinneach, mura gcasa sibh arís chun bheith ar nós na leanaí, ní rachaidh sibh isteach i ríocht na bhflaitheas choíche.

[4]Mar sin, duine ar bith a dhéanfaidh é féin uiríseal ar nós an linbh seo, beidh sé sin ar an té is mo i ríocht na bhflaitheas.

[5]Agus cibé duine a ghlacfaidh a leithéid seo de leanbh ar son m'ainm, glacann sé mise.

[6]Ach má thugann aon duine scannal do dhuine ar bith de na rudaí beaga seo a chreideann ionamsa, b'fhearr dó go gcrochfaí bró mhuilinn faoina mhuineál agus é a bhá i nduibheagán na farraige.

[7]Is mairg don domhan mar gheall ar na scannail. Is éigean na scannail a theacht, ach is mairg don duine a dtagann an scannal tríd.

[8]“Más siocair pheaca duit do lámh nó do chos, gearr anuas í agus caith uait í: is fearr duit dul isteach sa bheatha i do mhairtíneach nó bacach ná an dá láimh nó an dá chois a bheith agat agus tú a chaitheamh sa tine shíoraí.

[9]Agus más siocair pheaca duit do shúil, srac amach í agus caith uait í: is fearr duit bheith ar

entrares na vida com um só dos teus olhos do que, tendo dois, seres lançado no inferno de fogo.

leathshúil ag dul isteach sa bheatha ná an dá shúil a bheith agat agus tú a chaitheamh i dtine ifrinn.

A parábola da ovelha perdida

Lucas 15.3-7

10 Vede, não desprezeis a qualquer destes pequeninos; porque eu vos afirmo que os seus anjos nos céus vêem incessantemente a face de meu Pai celeste.

10“Aire daoibh gan bheith neamhshuimiúil i nduine ar bith de na rudaí beaga seo, óir deirim libh, bíonn a n-aingil ar neamh ag breathnú de shíor ar ghnúis m'Athar atá ar neamh.

11 [Porque o Filho do Homem veio salvar o que estava perdido.]

11“Óir tháinig Mac an Duine chun an rud a bhí caillte a shlánú.

An Seachránaí Caorach

12 Que vos parece? Se um homem tiver cem ovelhas, e uma delas se extraviar, não deixará ele nos montes as noventa e nove, indo procurar a que se extraviou?

12“Cad is dóigh libh? Má bhíonn céad caora ag duine agus aon chaora amháin díobh a dhul amú, nach bhfágfaidh sé an naoi nóchad ar na sléibhte agus dul ag lorg an tseachránaí?

13 E, se porventura a encontra, em verdade vos digo que maior prazer sentirá por causa desta do que pelas noventa e nove que não se extraviaram.

13Agus más rud é go bhfaigheann sé í, deirim libh go fírinneach, is mó is cúis áthais leis í ná an naoi nóchad a bhí gan dul amú.

14 Assim, pois, não é da vontade de vosso Pai celeste que pereça um só destes pequeninos.

14Mar an gcéanna, ní hé toil i láthair bhur nAthar atá ar neamh go gcaillfí aon duine amháin de na rudaí beaga seo.

Como se deve tratar a um irmão culpado

Spreagadh Bráthar

15 Se teu irmão pecar [contra ti], vai argüi-lo entre ti e ele só. Se ele te ouvir, ganhaste a teu irmão.

15“Má dhéanann do bhráthair peaca i d'aghaidh, gabh chuige á áiteamh air is gan ann ach é agus tú.

16 Se, porém, não te ouvir, toma ainda contigo uma ou duas pessoas, para que, pelo depoimento de duas ou três testemunhas, toda palavra se estabeleça.

16Má éisteann sé leat, tá tú tar éis do bhráthair a thabhairt leat;

17 E, se ele não os atender, dize-o à igreja; e, se recusar ouvir também a igreja, considera-o como gentio e publicano.

17ach mura n-éisteann, beir leat duine nó beirt eile, chun go mbeadh focal a dó nó a trí d'fhinnéithe ag deimhniú gach scéil. Má dhiúltaíonn sé éisteacht leo sin, inis don eaglais é; agus má dhiúltaíonn éisteacht leis an

[18] Em verdade vos digo que tudo o que ligardes na terra terá sido ligado nos céus, e tudo o que desligardes na terra terá sido desligado nos céus.

[19] Em verdade também vos digo que, se dois dentre vós, sobre a terra, concordarem a respeito de qualquer coisa que, porventura, pedirem, ser-lhes-á concedida por meu Pai, que está nos céus.
[20] Porque, onde estiverem dois ou três reunidos em meu nome, ali estou no meio deles.

Quantas vezes se deve perdoar a um irmão
Lucas 17.3-4

[21] Então, Pedro, aproximando-se, lhe perguntou: SENHOR, até quantas vezes meu irmão pecará contra mim, que eu lhe perdoe? Até sete vezes?

[22] Respondeu-lhe Jesus: Não te digo que até sete vezes, mas até setenta vezes sete.

A parábola do credor incompassivo

[23] Por isso, o reino dos céus é semelhante a um rei que resolveu ajustar contas com os seus servos.
[24] E, passando a fazê-lo, trouxeram-lhe um que lhe devia dez mil talentos.
[25] Não tendo ele, porém, com que pagar, ordenou o senhor que fosse vendido ele, a mulher, os filhos e tudo quanto possuía e que a dívida fosse paga.

eaglais féin, bíodh sé ina phágánach agus ina phoibleacánach agat.
[18]“Deirim libh go fírinneach, gach uile ní a cheanglaíonn sibh ar talamh beidh siad ceangailte ar neamh, agus nithe ar bith a scaoilfidh sibh ar talamh beidh siad scaoilte ar neamh.

Urnaithe Cumainn

[19]“Agus deirim go fírinneach rud eile libh má bhíonn beirt agaibh ar talamh ar aon aigne faoi rud ar bith a bhíonn le hiarraidh acu, beidh sé le fáil acu ó m'Athair atá ar neamh.

[20]Óir, mar a mbíonn beirt nó triúr tagtha i gceann a chéile i m'ainmse, bím féin ansin ina measc.”

Cionta a Chéile a Mhaitheamh

[21]Tháinig Peadar chuige ansin agus dúirt leis: “A Thiarna, cé mhéad uair ba cheart dom pardún a thabhairt do mo bhráthair nuair a chiontaíonn i m'aghaidh? Go dtí seacht n-uaire?”
[22]Dúirt Íosa leis: “Ní go dtí seacht n-uaire a deirimse leat ach go dtí seacht n-uaire seachtód.

An Féicheamh a bhí Dian san Éileamh

[23]“Agus dá réir sin is iad dála ríocht na bhflaitheas mar a bhí ag rí arbh áil leis cuntais a réiteach lena chuid seirbhíseach.
[24]Agus i dtosach an réitigh dó, tugadh chuige duine a raibh deich míle tallann amuigh air.
[25]Agus ó tharla gan an t-íoc a bheith aige, d'ordaigh an maistir é a dhíol, agus a bhean agus a chlann agus a raibh aige, agus an t-íoc a dhéanamh.

[26] Então, o servo, prostrando-se reverente, rogou: Sê paciente comigo, e tudo te pagarei.

[27] E o senhor daquele servo, compadecendo-se, mandou-o embora e perdoou-lhe a dívida.

[28] Saindo, porém, aquele servo, encontrou um dos seus conservos que lhe devia cem denários; e, agarrando-o, o sufocava, dizendo: Paga-me o que me deves.

[29] Então, o seu conservo, caindo-lhe aos pés, lhe implorava: Sê paciente comigo, e te pagarei.

[30] Ele, entretanto, não quis; antes, indo-se, o lançou na prisão, até que saldasse a dívida.

[31] Vendo os seus companheiros o que se havia passado, entristeceram-se muito e foram relatar ao seu senhor tudo que acontecera.

[32] Então, o seu senhor, chamando-o, lhe disse: Servo malvado, perdoei-te aquela dívida toda porque me suplicaste;

[33] não devias tu, igualmente, compadecer-te do teu conservo, como também eu me compadeci de ti?

[34] E, indignando-se, o seu senhor o entregou aos verdugos, até que lhe pagasse toda a dívida.

[35] Assim também meu Pai celeste vos fará, se do íntimo não perdoardes cada um a seu irmão.

Mateus 19

Jesus atravessa o Jordão

[26]Mar sin, chaith an seirbhíseach é féin ar lár, agus ag umhlú dó dúirt: 'Bíodh foighne agat liom a mháistir, agus íocfaidh mé an t-iomlán leat.'

[27]Agus le barr trua, scaoil máistir an tseirbhísigh sin uaidh é agus mhaith na fiacha dó.

[28]Ag dul amach don seirbhíseach sin, casadh air duine dá chomhsheirbhísigh a raibh céad déanar aige féin air, agus rug sé greim scóige air ag rá: 'Íoc a bhfuil amuigh ort! '

[29]Mar sin, chaith a chomhsheirbhíseach é féin ar lár ag achainí air: 'Bíodh foighne agat liom, ' ar seisean, 'agus íocfaidh mé leat é.'

[30]Ach níorbh áil leis siúd é gan dul agus é theilgean i bpríosún nó go n-íocfadh sé na fiacha.

[31]Nuair a chonaic a chomhsheirbhísigh an méid sin, ghabh buaireamh mór iad, agus chuaigh siad ag insint an scéil ar fad dá máistir.

[32]Chuir an máistir fios air: 'A sheirbhísigh mhallaithe, ' ar seisean, 'mhaith mé féin duitse na fiacha úd ar fad mar go ndearna tú achainí orm.

[33]Nár cheart go ndéanfása mar an gcéanna trócaire ar do chomhsheirbhíseach faoi mar a rinne mise trócaire ort? '

[34]Agus le barr feirge thug a mháistir suas do na céastúnaigh é nó go n-íocfadh sé na fiacha leis go hiomlán.

[35]Sin é freisin mar a dhéanfaidh m'Athair neamhaí libhse ach mura maitheann gach duine agaibh dá bhráthair féin ó chroí."

Matha 19

Marcos 10.1

[1] E aconteceu que, concluindo Jesus estas palavras, deixou a Galiléia e foi para o território da Judéia, além do Jordão.

[2] Seguiram-no muitas multidões, e curou-as ali.

A questão do divórcio

Marcos 10.2-12; Lucas 16.18

[3] Vieram a ele alguns fariseus e o experimentavam, perguntando: É lícito ao marido repudiar a sua mulher por qualquer motivo?

[4] Então, respondeu ele: Não tendes lido que o Criador, desde o princípio, os fez homem e mulher

[5] e que disse: Por esta causa deixará o homem pai e mãe e se unirá a sua mulher, tornando-se os dois uma só carne?

[6] De modo que já não são mais dois, porém uma só carne. Portanto, o que Deus ajuntou não o separe o homem.

[7] Replicaram-lhe: Por que mandou, então, Moisés dar carta de divórcio e repudiar?

[8] Respondeu-lhes Jesus: Por causa da dureza do vosso coração é que Moisés vos permitiu repudiar vossa mulher; entretanto, não foi assim desde o princípio.

[9] Eu, porém, vos digo: quem repudiar sua mulher, não sendo por causa de relações sexuais ilícitas, e casar com outra comete adultério [e o que casar com a repudiada comete adultério].

[1]Ansin, nuair a bhí an méid sin ráite aige, d'fhág Íosa an Ghailíl agus tháinig go dtí críocha Iúdáia ar an taobh eile den Iordáin.

[2]Agus lean sluaite móra é agus leigheas sé iad ann.

Ceist Faoin Idirscaradh: An Maighdeanas

[3]Tháinig Fairisínigh chuige agus dúirt leis, ag baint trialach as: “An dleathach do dhuine a bhean a scaoileadh uaidh ar gach uile shórt cúise?”

[4]D'fhreagair sé agus dúirt: “Nár léigh sibh go ndearna an Cruthaitheoir ó thús iad fireann agus baineann

[5]agus go ndúirt: ‘Mar gheall air sin, fágfaidh duine a athair agus a mháthair chun bheith go dlúth i bpáirt lena bhean, agus aon cholainn amháin a bheidh sa bheirt acu.’

[6]Dá réir sin, ní beirt iad feasta ach aon cholainn amháin. Dá bhrí sin, an ní a cheangail Dia ná scaoileadh duine é.”

[7]Dúirt siad leis: “Cén fáth, más ea, ar ordaigh Maois litir idirscartha a thabhairt le linn í a scaoileadh?”

[8]“Is de dheasca bhur gcroí a bheith stuacach,” ar seisean leo, “a thug Maois cead daoibh bhur mná a scaoileadh uaibh; ach ní mar sin a bhí ó thús.

[9]Ach deirimse libh, duine ar bith a scaoileann uaidh a bhean agus nach de dheasca striapachais é, agus a phósann bean eile, déanann sé adhaltranas, agus an té a phósann bean a scaoileadh, déanann sé adhaltranas.”

[10] Disseram-lhe os discípulos: Se essa é a condição do homem relativamente à sua mulher, não convém casar.

[11] Jesus, porém, lhes respondeu: Nem todos são aptos para receber este conceito, mas apenas aqueles a quem é dado.

[12] Porque há eunucos de nascença; há outros a quem os homens fizeram tais; e há outros que a si mesmos se fizeram eunucos, por causa do reino dos céus. Quem é apto para o admitir admita.

Jesus abençoa as crianças

Marcos 10.13-16; Lucas 18.15-17

[13] Trouxeram-lhe, então, algumas crianças, para que lhes impusesse as mãos e orasse; mas os discípulos os repreendiam.

[14] Jesus, porém, disse: Deixai os pequeninos, não os embaraceis de vir a mim, porque dos tais é o reino dos céus.

[15] E, tendo-lhes imposto as mãos, retirou-se dali.

O jovem rico

Marcos 10.17-22; Lucas 18.18-23

[16] E eis que alguém, aproximando-se, lhe perguntou: Mestre, que farei eu de bom, para alcançar a vida eterna?

[17] Respondeu-lhe Jesus: Por que me perguntas acerca do que é bom? Bom só existe um. Se queres, porém, entrar na vida, guarda os mandamentos.

[18] E ele lhe perguntou: Quais? Respondeu Jesus: Não matarás, não adulterarás, não furtarás, não dirás falso testemunho;

[10]Dúirt na deisceabail leis: “Más amhlaidh sin atá an scéal ag an bhfear i leith na mná, is fearr gan pósadh.”

[11]Dúirt sé leo: “Ní hé gach aon duine a ghabhann an chaint sin chuige, ach an mhuintir dá bhfuil sé tugtha.

[12]Óir tá coillteáin ann ar mar sin a tháinig siad as broinn a máthar, agus tá coillteáin ann ar ag daoine a coilleadh iad, agus tá coillteáin ann arb iad féin a choill iad féin ar son ríocht na bhflaitheas. Gabhadh chuige an té a fhéadann!”

Na Leanaí á mBeannú

[13]Thug siad leanaí chuige ansin chun go gcuirfeadh sé a lámha orthu ag déanamh guí, ach chuir na deisceabail ceartú orthu.

[14]Dúirt Íosa: “Ligigí do na leanaí agus ná coiscigí iad ar theacht chugam, óir is lena leithéidí seo ríocht na bhflaitheas.”

[15]Chuir sé a lámha orthu agus bhuail sé roimhe ón áit sin.

Lucht Saibhris agus Ríocht na bhFlaitheas

[16]Tháinig an duine áirithe seo chuige agus dúirt leis: “A Mháistir, cad é an mhaith atá le déanamh agam chun go mbeadh an bheatha shíoraí agam?”

[17]Dúirt sé leis: “Cén fáth a bhfiafraíonn tú díomsa faoin maith? Aon neach amháin is maith. Ach más áil leat dul isteach sa bheatha, coinnigh na haitheanta.”

[18]“Cad iad féin?” ar seisean leis. Dúirt Íosa: “Ná déan marú. Ná déan adhaltranas. Ná déan goid. Ná tabhair fianaise bhréige.

[19] honra a teu pai e a tua mãe e amarás o teu próximo como a ti mesmo.

[19]Tabhair onóir do d'athair agus do do mháthair, agus bíodh grá agat do do chomharsa mar atá agat duit féin."

[20] Replicou-lhe o jovem: Tudo isso tenho observado; que me falta ainda?

[20]Dúirt an fear óg leis: "Choimeád mé iad sin uile: cad é an t-easnamh atá fós orm?"

[21] Disse-lhe Jesus: Se queres ser perfeito, vai, vende os teus bens, dá aos pobres e terás um tesouro no céu; depois, vem e segue-me.

[21]"Más áil leat bheith foirfe," arsa Íosa leis, "imigh leat, díol amach a bhfuil agat agus tabhair do na boicht é agus beidh stór agat ar neamh: tar ansin agus lean mise."

[22] Tendo, porém, o jovem ouvido esta palavra, retirou-se triste, por ser dono de muitas propriedades.

[22]Nuair a chuala an fear óg an chaint sin, bhí buaireamh air agus d'imigh sé leis, mar bhí mórán de mhaoin an tsaoil aige.

O perigo das riquezas

Marcos 10.23-31; Lucas 18.24-30

[23] Então, disse Jesus a seus discípulos: Em verdade vos digo que um rico dificilmente entrará no reino dos céus.

[23]Ansin dúirt Íosa lena dheisceabail: "Deirim libh go fírinneach, beidh sé deacair ar an bhfear saibhir dul isteach i ríocht na bhflaitheas.

[24] E ainda vos digo que é mais fácil passar um camelo pelo fundo de uma agulha do que entrar um rico no reino de Deus.

[24]Agus táim á rá libh arís: is fusa do chamall dul trí chró snáthaide ná do dhuine saibhir dul isteach i ríocht Dé."

[25] Ouvindo isto, os discípulos ficaram grandemente maravilhados e disseram: Sendo assim, quem pode ser salvo?

[25]Ar a chloisteáil sin do na deisceabail, ghabh iontas mór iad agus dúirt siad: "Cé is féidir a shlánú más ea?"

[26] Jesus, fitando neles o olhar, disse-lhes: Isto é impossível aos homens, mas para Deus tudo é possível.

[26]Bhreathnaigh Íosa orthu agus dúirt: "Tá sé seo dodhéanta ag daoine, ach tá an uile ní sodhéanta ag Dia."

[27] Então, lhe falou Pedro: Eis que nós tudo deixamos e te seguimos; que será, pois, de nós?

[27]Labhair Peadar ansin agus dúirt sé leis: "Sinne, féach, d'fhágamar an uile ní agus leanamar thusa: cad a bheidh againn, más ea?"

[28] Jesus lhes respondeu: Em verdade vos digo que vós, os que me seguistes, quando, na regeneração, o Filho do Homem se assentar no trono da sua glória, também vos assentareis em doze tronos para julgar as doze tribos de Israel.

[28]Dúirt Íosa leo: "Deirim libh go fírinneach, san athghiniúint, nuair a bheidh Mac an Duine ina shuí i ríchathaoir a ghlóire, beidh sibhse a bhí do mo leanúint in bhur suí freisin i dhá ríchathaoir déag ag tabhairt breithe ar dhá threibh déag Iosrael.

[29] E todo aquele que tiver deixado casas, ou irmãos, ou irmãs, ou pai, ou mãe [ou mulher], ou filhos, ou campos, por causa do meu nome, receberá muitas vezes mais e herdará a vida eterna.

[30] Porém muitos primeiros serão últimos; e os últimos, primeiros.

Mateus 20

A parábola dos trabalhadores na vinha

[1] Porque o reino dos céus é semelhante a um dono de casa que saiu de madrugada para assalariar trabalhadores para a sua vinha.

[2] E, tendo ajustado com os trabalhadores a um denário por dia, mandou-os para a vinha.

[3] Saindo pela terceira hora, viu, na praça, outros que estavam desocupados

[4] e disse-lhes: Ide vós também para a vinha, e vos darei o que for justo. Eles foram.

[5] Tendo saído outra vez, perto da hora sexta e da nona, procedeu da mesma forma,

[6] e, saindo por volta da hora undécima, encontrou outros que estavam desocupados e perguntou-lhes: Por que estivestes aqui desocupados o dia todo?

[7] Responderam-lhe: Porque ninguém nos contratou. Então, lhes disse ele: Ide também vós para a vinha.

[8] Ao cair da tarde, disse o senhor da vinha ao seu administrador: Chama os trabalhadores e paga-lhes o salário,

[29]Agus duine ar bith a d'fhág tithe nó deartháireacha nó deirfiúracha, nó athair nó máthair, nó bean, nó clann, nó tailte mar gheall ar m'ainm, gheobhaidh sé níos mó faoi chéad agus an bheatha shíoraí mar oidhreacht.

[30]"Beidh mórán dá bhfuil ar tosach ar deireadh agus dá bhfuil ar deireadh ar tosach.

Matha 20

Parabal no nOibrithe san Fhíonghort

[1]"Óir is iad dála ríocht na bhflaitheas mar a bhí ag fear tí a ghabh amach go moch ar maidin chun lucht oibre a fhostú i gcomhair a fhíonghoirt.

[2]Réitigh sé leis na fir oibre ar dhéanar sa lá agus sheol sé isteach ina fhíonghort iad.

[3]Nuair a chuaigh sé amach timpeall an tríú huair, chonaic sé daoine eile ina seasamh díomhaoin in áit an mhargaidh

[4]agus dúirt sé leo: 'Isteach i m'fhíonghort libhse freisin, agus díolfaidh mé libh an pá ceart.'

[5]Agus isteach leo. Chuaigh sé amach arís timpeall an séú agus an naoú huair agus rinne sé an rud céanna.

[6]Ach nuair a chuaigh sé amach timpeall an aonú huair déag, fuair sé tuilleadh acu ann agus dúirt leo: 'Cad a d'fhág anseo ar feadh an lae sibh agus sibh díomhaoin? '

[7]Dúirt siad: 'Mar nár fhostaigh aon duine sinn.' Dúirt sé leo: 'Sibhse freisin, isteach san fhíonghort libh.'

[8]Nuair a bhí an tráthnóna ann, dúirt úinéir an fhíonghoirt leis an mbainisteoir: 'Glaoigh ar na fir oibre agus tabhair dóibh a dtuarastal, siar

começando pelos últimos, indo até aos primeiros.

[9] Vindo os da hora undécima, recebeu cada um deles um denário.

[10] Ao chegarem os primeiros, pensaram que receberiam mais; porém também estes receberam um denário cada um.

[11] Mas, tendo-o recebido, murmuravam contra o dono da casa,

[12] dizendo: Estes últimos trabalharam apenas uma hora; contudo, os igualaste a nós, que suportamos a fadiga e o calor do dia.

[13] Mas o proprietário, respondendo, disse a um deles: Amigo, não te faço injustiça; não combinaste comigo um denário?

[14] Toma o que é teu e vai-te; pois quero dar a este último tanto quanto a ti.

[15] Porventura, não me é lícito fazer o que quero do que é meu? Ou são maus os teus olhos porque eu sou bom?

[16] Assim, os últimos serão primeiros, e os primeiros serão últimos [porque muitos são chamados, mas poucos escolhidos].

Jesus ainda outra vez prediz sua morte e ressurreição

Marcos 10.32-34; Lucas 18.31-33

[17] Estando Jesus para subir a Jerusalém, chamou à parte os doze e, em caminho, lhes disse:

[18] Eis que subimos para Jerusalém, e o Filho do Homem será entregue aos principais sacerdotes e aos escribas. Eles o condenarão à morte.

ón dream déanach go dtí an dream is túisce a tháinig.’

[9]Nuair a tháinig muintir an aonú huair déag, fuair siad déanar an duine.

[10]Agus shíl an chéad dream nuair a tháinig siad go bhfaighidís níos mó. Ach is déanar an duine a fuair siad sin féin.

[11]Agus nuair a fuair siad é, bhí siad ag monabhar ar fhear an tí:

[12]‘An dream déanach seo, ’ deiridís, ‘níor thug siad ach an t-aon uair amháin, agus chuir tú ar aon dul iad féin agus sinne a d'fhulaing ualach an lae agus an brothall.’

[13]D'fhreagair sé duine acu á rá: ‘Nílim ag déanamh aon éagóra ort, a chara: nach ar dhéanar a réitigh tú liom?

[14]Tóg a bhfuil ag dul duit agus imigh. Ach is áil liomsa oiread a thabhairt don fhear deireanach seo agus a thugaim duit.

[15]An ea nach bhfuil cead agam mo rogha ní a dhéanamh le mo chuid féin? Nó an ea go bhfuil do shúilse éadmhar de bhrí go bhfuilim féin maith? ’

[16]Sin mar a bheidh a bhfuil ar deireadh ar tosach agus a bhfuil ar tosach ar deireadh.”

Páis agus Aiséirí: An Tríú Tairngreacht

[17]Bhí Íosa ag dul suas go Iarúsailéim, agus rug sé leis an dáréag ar leithligh agus sa tslí dóibh dúirt sé leo:

[18]“Seo anois sinn ag dul suas go Iarúsailéim, agus tabharfar Mac an Duine ar láimh d'uachtaráin na sagart agus do na scríobhaithe, agus daorfaidh siad sin chun báis é,

[19] E o entregarão aos gentios para ser escarnecido, açoitado e crucificado; mas, ao terceiro dia, ressurgirá.

[19]agus tabharfaidh siad ar láimh do na gintlithe é chun go ndéanfaí fonóid faoi agus go sciúrsálfaí é agus go gcéasfaí é, agus eireoidh sé an treas lá.”

O pedido da mãe de Tiago e João
Marcos 10.35-45

Achainí Mháthair Chlann Zeibidé

[20] Então, se chegou a ele a mulher de Zebedeu, com seus filhos, e, adorando-o, pediu-lhe um favor.

[20]Ansin tháinig máthair chlann Zeibidé chuige agus a mic in éineacht léi agus d'umhlaigh sí síos ag iarraidh aisce air.

[21] Perguntou-lhe ele: Que queres? Ela respondeu: Manda que, no teu reino, estes meus dois filhos se assentem, um à tua direita, e o outro à tua esquerda.

[21]Dúirt sé léi: “Cad ab áil leat?” “Tá,” ar sise leis, “an bheirt mhac seo agamsa, go n-ordófá iad a bheith ina suí, duine acu ar do dheis agus an duine eile ar do chlé, i do ríocht.”

[22] Mas Jesus respondeu: Não sabeis o que pedis. Podeis vós beber o cálice que eu estou para beber? Responderam-lhe: Podemos.

[22]D'fhreagair Íosa: “Níl a fhios agaibh cad atá sibh a iarraidh,” ar seisean. “An bhféadann sibh an cupa a ól atá le hól agamsa?” Dúirt siad leis: “Féadaimid.”

[23] Então, lhes disse: Bebereis o meu cálice; mas o assentar-se à minha direita e à minha esquerda não me compete concedê-lo; é, porém, para aqueles a quem está preparado por meu Pai.

[23]Dúirt sé leo: “Ólfaidh sibh go deimhin as mo chupa, ach maidir le suí ar mo dheis nó ar mo chlé, ní agamsa atá é sin a thabhairt ach is dóibh siúd é dá bhfuil sé i ndán ag m'Athair.”

[24] Ora, ouvindo isto os dez, indignaram-se contra os dois irmãos.

[24]Ar a chloisteáil sin don deichniúr, bhí míchéadfa acu ar an mbeirt dearthár.

[25] Então, Jesus, chamando-os, disse: Sabeis que os governadores dos povos os dominam e que os maiorais exercem autoridade sobre eles.

[25]Ach ghlaoigh Íosa chuige iad agus dúirt: “Tá a fhios agaibh go mbíonn prionsaí na ngintlithe ag tiarnú orthu, agus a gcuid uaisle ag smachtúchán orthu.

[26] Não é assim entre vós; pelo contrário, quem quiser tornar-se grande entre vós, será esse o que vos sirva;

[26]Ach ní mar sin a bheidh an scéal eadraibhse, ach an duine ar mian leis bheith ina uasal eadraibh, beidh sé ina sheirbhíseach daoibh,

[27] e quem quiser ser o primeiro entre vós será vosso servo;

[27]agus an duine ar mian leis bheith ina cheann oraibh, beidh sé ina sclábha daoibh;

[28] tal como o Filho do Homem, que não veio para ser servido, mas para servir e dar a sua vida em resgate por muitos.

[28]díreach faoi mar nár tháinig Mac an Duine chun go mbeifí ag freastal air ach chun go ndéanfadh sé féin freastal agus a anam a thabhairt mar cheannach ar mhórán.”

A cura de dois cegos de Jericó
Marcos 10.46-52; Lucas 18.35-43

[29] Saindo eles de Jericó, uma grande multidão o acompanhava.

[30] E eis que dois cegos, assentados à beira do caminho, tendo ouvido que Jesus passava, clamaram: SENHOR, Filho de Davi, tem compaixão de nós!

[31] Mas a multidão os repreendia para que se calassem; eles, porém, gritavam cada vez mais: SENHOR, Filho de Davi, tem misericórdia de nós!

[32] Então, parando Jesus, chamou-os e perguntou: Que quereis que eu vos faça?

[33] Responderam: SENHOR, que se nos abram os olhos.

[34] Condoído, Jesus tocou-lhes os olhos, e imediatamente recuperaram a vista e o foram seguindo.

Mateus 21

A entrada triunfal de Jesus em Jerusalém
Marcos 11.1-11; Lucas 19.28-40; João 12.12-15

[1] Quando se aproximaram de Jerusalém e chegaram a Betfagé, ao monte das Oliveiras, enviou Jesus dois discípulos, dizendo-lhes:

[2] Ide à aldeia que aí está diante de vós e logo achareis presa uma jumenta e, com ela, um jumentinho. Desprendei-a e trazei-mos.

[3] E, se alguém vos disser alguma coisa, respondei-lhe que o SENHOR precisa deles. E logo os enviará.

[4] Ora, isto aconteceu para se cumprir o que foi dito por intermédio do profeta:

Beirt Dhall á Leigheas

[29]Ag dul amach as Ireachó dóibh, lean slua mór é,

[30]agus bhí an bheirt dhall seo ina suí le hais an bhóthair. Nuair a chuala siad go raibh Íosa ag dul thar bráid, scread siad amach: “A Thiarna, déan trócaire orainn, a Mhic Dháiví!”

[31]Bhagair an slua orthu bheith ina dtost, ach is ea ba mhó a scread siad: “A Thiarna, déan trócaire orainn, a Mhic Dháiví!”

[32]Stad Íosa dá shiúl, ghair sé iad agus dúirt: “Cad ab áil libh mé a dhéanamh daoibh?”

[33]Dúirt siad leis: “Ár súile a oscailt dúinn, a Thiarna!”

[34]Ghlac Íosa trua dóibh, leag a lámh ar a súile, tháinig a radharc dóibh láithreach agus lean siad é.

Matha 21

An Imrím Chaithréimeach

[1]Nuair a bhí siad ag teacht i ngar do Iarúsailéim agus iad tagtha go Béatfaigé i dtreo Chnoc na nOlóg, chuir Íosa beirt dheisceabal uaidh

[2]ag rá leo: “Téigí isteach sa bhaile atá os bhur gcomhair, agus gheobhaidh sibh láir asail ceangailte agus searrach lena cois;

[3]scaoiligí iad agus tugaigí chugam iad; agus má deir aon duine focal libh abraigí: ‘Tá gá ag an Tiarna leo, ach cuirfidh sé ar ais gan mhoill iad.’ ”

[4]Tharla an méid sin chun go gcomhlíonfaí a ndúradh tríd an bhfáidh:

[5] Dizei à filha de Sião: Eis aí te vem o teu Rei, humilde, montado em jumento, num jumentinho, cria de animal de carga.

[5]"Abraigí le hiníon Shíón: Féach, tá do rí ag teacht chugat, agus é go ceansa, ag marcaíocht ar asal, ar shearrach beithígh iompair."

[6] Indo os discípulos e tendo feito como Jesus lhes ordenara,

[6]D'imigh na deisceabail agus rinne siad de réir mar bhí beartaithe ag Íosa dóibh:

[7] trouxeram a jumenta e o jumentinho. Então, puseram em cima deles as suas vestes, e sobre elas Jesus montou.

[7]thug siad leo an láir asail agus an searrach. Chuir siad a mbrait anuas orthu ansin agus chuaigh Íosa ina shuí orthu.

[8] E a maior parte da multidão estendeu as suas vestes pelo caminho, e outros cortavam ramos de árvores, espalhando-os pela estrada.

[8]Agus rinne na daoine, slua an-mhór díobh, a mbrait a leathadh ar an mbóthar, agus bhí cuid eile acu ag baint craobhacha na gcrann le leathadh ar an mbóthar;

[9] E as multidões, tanto as que o precediam como as que o seguiam, clamavam: Hosana ao Filho de Davi! Bendito o que vem em nome do SENHOR! Hosana nas maiores alturas!

[9]agus na sluaite a bhí roimhe amach agus iad seo a bhí á leanúint, bhí na gártha acu á gcur suas: "Hósana do Mhac Dháiví! Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna! Hósana sna harda."

[10] E, entrando ele em Jerusalém, toda a cidade se alvoroçou, e perguntavam: Quem é este?

[10]Nuair a chuaigh sé isteach in Iarúsailéim, bhí an chathair go léir ar bís: "Cé hé seo?" deirtí.

[11] E as multidões clamavam: Este é o profeta Jesus, de Nazaré da Galiléia!

[11]Agus deireadh na sluaite: "Is é seo Íosa, an fáidh ó Nazarat sa Ghailíl."

A purificação do templo

Marcos 11.15-17; Lucas 19.45-46

Íosa sa Teampall

[12] Tendo Jesus entrado no templo, expulsou todos os que ali vendiam e compravam; também derribou as mesas dos cambistas e as cadeiras dos que vendiam pombas.

[12]Chuaigh Íosa isteach sa Teampall agus thiomáin sé amach iad seo uile a bhí ag díol agus ag ceannach sa Teampall. Leag sé ar lár na cláir ar lucht airgead a mhalartú agus na suíocháin ar lucht na gcolmán a dhíol.

[13] E disse-lhes: Está escrito: A minha casa será chamada casa de oração; vós, porém, a transformais em covil de salteadores.

[13]Agus dúirt sé leo: "Tá scríofa: 'Glaofar teach urnaithe ar mo theachsa'; ach tá sibhse ag déanamh uaimh robálaithe de."

Jesus efetua curas no templo

[14] Vieram a ele, no templo, cegos e coxos, e ele os curou.

[14]Tháinig daill chuige freisin agus bacaigh sa Teampall, agus leigheas sé iad.

[15] Mas, vendo os principais sacerdotes e os escribas as maravilhas que Jesus fazia

[15]Agus bhí uachtaráin na sagart agus na scríobhaithe míchéadfach nuair a chonaic siad

e os meninos clamando: Hosana ao Filho de Davi!, indignaram-se e perguntaram-lhe:

[16] Ouves o que estes estão dizendo? Respondeu-lhes Jesus: Sim; nunca lestes: Da boca de pequeninos e crianças de peito tiraste perfeito louvor?

[17] E, deixando-os, saiu da cidade para Betânia, onde pernoitou.

A figueira sem fruto
Marcos 11.12-14,20-24

[18] Cedo de manhã, ao voltar para a cidade, teve fome;

[19] e, vendo uma figueira à beira do caminho, aproximou-se dela; e, não tendo achado senão folhas, disse-lhe: Nunca mais nasça fruto de ti! E a figueira secou imediatamente.

[20] Vendo isto os discípulos, admiraram-se e exclamaram: Como secou depressa a figueira!

[21] Jesus, porém, lhes respondeu: Em verdade vos digo que, se tiverdes fé e não duvidardes, não somente fareis o que foi feito à figueira, mas até mesmo, se a este monte disserdes: Ergue-te e lança-te no mar, tal sucederá;

[22] e tudo quanto pedirdes em oração, crendo, recebereis.

A autoridade de Jesus e o batismo de João
Marcos 11.27-33; Lucas 20.1-8

[23] Tendo Jesus chegado ao templo, estando já ensinando, acercaram-se dele os principais sacerdotes e os anciãos do povo, perguntando: Com que autoridade fazes estas coisas? E quem te deu essa autoridade?

na nithe iontacha a rinne sé, agus na leanaí agus “Hósana do Mhac Dháiví!” mar gháir acu sa Teampall.

[16]Dúirt siad leis: “An gcluineann tú cad tá á rá acu seo?” “Cinnte!” arsa Íosa leo, “nár léigh sibh riamh é seo: ‘As béal naíonán agus leanaí deoil bhain tú moladh amach duit féin’?”

[17]D'éalaigh sé uathu, chuaigh amach as an gcathair go Béatáine agus thug sé an oíche ann.

An Crann Fígí gan Toradh

[18]Ag filleadh ar an gcathair a bhí sé go moch ar maidin agus bhí ocras air,

[19]agus nuair a chonaic sé crann fígí le hais an bhóthair, bhuail sé ina threo ach ní bhfuair air ach duilleoga. Agus dúirt sé leis: “Nár fhása aon toradh ortsa as seo amach go brách!” Agus shearg an crann fígí ar an mball.

[20]Chonaic na deisceabail é agus rinne siad ionadh de: “Cén chaoi,” ar siad, “ar shearg an crann fígí láithreach?”

[21]Dúirt Íosa leo á bhfreagairt: “Deirim libh go fírinneach, má bhíonn creideamh agaibh agus gan bheith in amhras faoi, ní hé an beart seo amháin an chrann fígí a dhéanfaidh sibh, ach fós, má deir sibh leis an sliabh seo: ‘Éirigh suas agus déan tú féin a chaitheamh san fharraige’, déanfar sin.

[22]Agus an uile ní a iarrfaidh sibh le barr creidimh sa ghuí, gheobhaidh sibh é.”

Ceist faoi Údarás Chríost

[23]Bhí sé tar éis teacht isteach sa Teampall agus bhí sé ag teagasc nuair a tháinig uachtaráin na sagart agus seanóirí an phobail chuige agus dúirt siad: “Cén t-údarás atá agat leis na nithe seo a dhéanamh, agus cé thug an t-údarás sin duit?”

[24] E Jesus lhes respondeu: Eu também vos farei uma pergunta; se me responderdes, também eu vos direi com que autoridade faço estas coisas.

[25] Donde era o batismo de João, do céu ou dos homens? E discorriam entre si: Se dissermos: do céu, ele nos dirá: Então, por que não acreditastes nele?

[26] E, se dissermos: dos homens, é para temer o povo, porque todos consideram João como profeta.

[27] Então, responderam a Jesus: Não sabemos. E ele, por sua vez: Nem eu vos digo com que autoridade faço estas coisas.

A parábola dos dois filhos

[28] E que vos parece? Um homem tinha dois filhos. Chegando-se ao primeiro, disse: Filho, vai hoje trabalhar na vinha.

[29] Ele respondeu: Sim, senhor; porém não foi.

[30] Dirigindo-se ao segundo, disse-lhe a mesma coisa. Mas este respondeu: Não quero; depois, arrependido, foi.

[31] Qual dos dois fez a vontade do pai? Disseram: O segundo. Declarou-lhes Jesus: Em verdade vos digo que publicanos e meretrizes vos precedem no reino de Deus.

[32] Porque João veio a vós outros no caminho da justiça, e não acreditastes nele; ao passo que publicanos e meretrizes creram. Vós, porém, mesmo

[24]Dúirt Íosa leo á bhfreagairt: “Agus tá aon cheist amháin agamsa le cur oraibhse, agus má thugann sibh an freagra dom, inseoidh mé daoibh ansin cén t-údarás atá agam leis na nithe seo a dhéanamh.

[25]Baisteadh Eoin, cárbh as dó? Ó neamh nó ó dhaoine?” Ach bhí siad ag machnamh mar seo ina gcroí: “Má deirimid: ‘Ó neamh, ’ déarfaidh sé linn: ‘Cén fáth nár chreid sibh ann, mar sin? ’

[26]Ach má deirimid: ‘Ó dhaoine, ’ tá eagla orainn roimh na daoine, mar tá meas fáidh acu uile ar Eoin.”

[27]Agus is é freagra a thug siad ar Íosa: “Níl a fhios againn.” Dúirt seisean leo mar an gcéanna: “Nílimse chun a insint daoibhse ach oiread cén t-údarás atá agam leis na nithe seo a dhéanamh.”

Parabal an Dá Mhac

[28]“Ach bhur mbarúil air seo: Bhí beirt mhac ag duine. D'agaill sé duine acu ar dtús: ‘A mhic, ’ ar seisean, ‘téighse inniu ag obair san fhíonghort.’

[29]D'fhreagair sé é: ‘Tá go maith, a dhuine uasail, ’ ar seisean; ach ní dheachaigh.

[30]D'agaill sé an dara duine ar an gcuma chéanna, agus b'é a fhreagra seo: ‘Ní dhéanfaidh mé, ’ ar seisean; ach ina dhiaidh sin tháinig aiféala air agus chuaigh.

[31]Cé acu den bheirt a rinne toil a athar?” “An dara duine,” ar siad. Dúirt Íosa leo: “Deirim libh go fírinneach, tá tosach ag na poibleacánaigh agus ag na striapacha oraibhse isteach i ríocht Dé.

[32]Óir tháinig Eoin chugaibh ar shlí na fíréantachta agus níor chreid sibh ann; na poibleacánaigh, áfach, agus na striapacha, chreid siad ann; agus cé go bhfaca sibhse é sin,

vendo isto, não vos arrependestes, afinal, para acreditardes nele.

A parábola dos lavradores maus

Marcos 12.1-12; Lucas 20.9-19

33 Atentai noutra parábola. Havia um homem, dono de casa, que plantou uma vinha. Cercou-a de uma sebe, construiu nela um lagar, edificou-lhe uma torre e arrendou-a a uns lavradores. Depois, se ausentou do país.

34 Ao tempo da colheita, enviou os seus servos aos lavradores, para receber os frutos que lhe tocavam.

35 E os lavradores, agarrando os servos, espancaram a um, mataram a outro e a outro apedrejaram.

36 Enviou ainda outros servos em maior número; e trataram-nos da mesma sorte.

37 E, por último, enviou-lhes o seu próprio filho, dizendo: A meu filho respeitarão.

38 Mas os lavradores, vendo o filho, disseram entre si: Este é o herdeiro; ora, vamos, matemo-lo e apoderemo-nos da sua herança.

39 E, agarrando-o, lançaram-no fora da vinha e o mataram.

40 Quando, pois, vier o senhor da vinha, que fará àqueles lavradores?

41 Responderam-lhe: Fará perecer horrivelmente a estes malvados e arrendará a vinha a outros lavradores que lhe remetam os frutos nos seus devidos tempos.

níor bhuail an t-aiféala mall féin sibh chun go gcreidfeadh sibh ann.”

Máistir an Fhíonghoirt agus na Curadóirí Mallaithe

33“Éistigí le parabal eile: Bhí an fear tí seo ann a rinne fíonghort a phlandáil, fál a chur ina thimpeall, cantaoir a thochailt ann, agus túr a thógáil; chuir ar cíos ansin chun curadóirí é agus chuaigh ar an gcoigríoch.

34Nuair a bhí séasúr na dtorthaí ann, chuir sé a chuid seirbhíseach uaidh go dtí na curadóirí chun toradh an fhíonghoirt a fháil.

35Ach rug na curadóirí ar na seirbhísigh, thug siad bualadh do dhuine acu, mharaigh duine eile, chloch duine eile.

36Ansin chuir sé seirbhísigh eile uaidh ba líonmhaire ná iad siúd, ach ba é an cor céanna a thug siad dóibh sin.

37Sa deireadh, chuir sé chucu a mhac, mar dúirt sé leis féin: ‘Tabharfaidh siad ómós do mo mhac.’

38Ach nuair a chonaic na curadóirí an mac, dúirt siad le chéile: ‘Is é seo an t-oidhre; seo, maraímis é, agus bíodh a oidhreacht againn féin, ’

39agus rug siad air, thiomáin siad amach as an bhfíonghort é agus mharaigh é.

40Dá bhrí sin, nuair a thiocfaidh máistir an fhíonghoirt, cad a dhéanfaidh sé leis na curadóirí úd?”

41Dúirt siad leis: “Tabharfaidh sé drochíde do na daoine mallaithe sin agus cuirfidh an fíonghort ar cíos chun curadóirí eile a thabharfaidh na torthaí dó ina séasúr féin.”

42 Perguntou-lhes Jesus: Nunca lestes nas Escrituras: A pedra que os construtores rejeitaram, essa veio a ser a principal pedra, angular; isto procede do SENHOR e é maravilhoso aos nossos olhos?

43 Portanto, vos digo que o reino de Deus vos será tirado e será entregue a um povo que lhe produza os respectivos frutos.

44 Todo o que cair sobre esta pedra ficará em pedaços; e aquele sobre quem ela cair ficará reduzido a pó.

45 Os principais sacerdotes e os fariseus, ouvindo estas parábolas, entenderam que era a respeito deles que Jesus falava;

46 e, conquanto buscassem prendê-lo, temeram as multidões, porque estas o consideravam como profeta.

Mateus 22

A parábola das bodas

1 De novo, entrou Jesus a falar por parábolas, dizendo-lhes:

2 O reino dos céus é semelhante a um rei que celebrou as bodas de seu filho.

3 Então, enviou os seus servos a chamar os convidados para as bodas; mas estes não quiseram vir.

4 Enviou ainda outros servos, com esta ordem: Dizei aos convidados: Eis que já preparei o meu banquete; os meus bois e cevados já foram abatidos, e tudo está pronto; vinde para as bodas.

5 Eles, porém, não se importaram e se foram, um para o seu campo, outro para o seu negócio;

42Dúirt Íosa leo: “Nár léigh sibh riamh sna scrioptúir: ‘An chloch dár dhiúltaigh na saoir, rinneadh di ceann an chúinne; obair an Tiarna é seo agus is iontach inár súile é’?

43“Sin an fáth a ndeirim libh go mbainfear ríocht Dé díbhse agus go dtabharfar do phobal í a thabharfaidh uathu a toradh.

44Aon duine a thitfidh ar an gcloch úd, áfach, bascfar é, ach cibé a dtitfidh sí air, déanfaidh sí é a bhrú ina cháith.”

45Uachtaráin na sagart agus na Fairisínigh, nuair a chuala siad a chuid parabal, bhí a fhios acu gur chucu féin a bhí sé,

46agus cé gurbh fhonn leo é a ghabháil, bhí eagla orthu roimh na sluaite, mar bhí meas fáidh acu sin air.

Matha 22

Parabal na Bainise

1Chuir Íosa chun labhartha i bparabail leo arís:

2“Is iad dála ríocht na bhflaitheas,” ar seisean, “mar a bhí ag rí a rinne bainis dá mhac.

3Chuir sé a chuid seirbhíseach uaidh ag glaoch orthu seo a fuair cuireadh chun na bainise, ach níorbh áil leo teacht.

4Ansin chuir sé seirbhísigh eile uaidh agus dúirt leo a rá leo siúd a fuair an cuireadh: ‘Feach, tá an féasta ullamh agam, mo chuid mart agus méithe maraithe, agus gach aon ní i gcóir: tagaigí chun na bainise.’

5Ach ba chuma leo é, ach imeacht, duine acu chun a fheirme agus duine eile i mbun cheannaíochta,

[6] e os outros, agarrando os servos, os maltrataram e mataram.

[7] O rei ficou irado e, enviando as suas tropas, exterminou aqueles assassinos e lhes incendiou a cidade.

[8] Então, disse aos seus servos: Está pronta a festa, mas os convidados não eram dignos.

[9] Ide, pois, para as encruzilhadas dos caminhos e convidai para as bodas a quantos encontrardes.

[10] E, saindo aqueles servos pelas estradas, reuniram todos os que encontraram, maus e bons; e a sala do banquete ficou repleta de convidados.

[11] Entrando, porém, o rei para ver os que estavam à mesa, notou ali um homem que não trazia veste nupcial

[12] e perguntou-lhe: Amigo, como entraste aqui sem veste nupcial? E ele emudeceu.

[13] Então, ordenou o rei aos serventes: Amarrai-o de pés e mãos e lançai-o para fora, nas trevas; ali haverá choro e ranger de dentes.

[14] Porque muitos são chamados, mas poucos, escolhidos.

A questão do tributo

Marcos 12.13-17; Lucas 20.20-26

[15] Então, retirando-se os fariseus, consultaram entre si como o surpreenderiam em alguma palavra.

[16] E enviaram-lhe discípulos, juntamente com os herodianos, para dizer-lhe: Mestre, sabemos que és verdadeiro e que

[6]agus an chuid eile acu rug siad ar a chuid seirbhíseach, thug siad easmailt dóibh agus mharaigh siad iad.

[7]Tháinig fearg ar an rí, agus chuir sé a shaighdiúirí amach gur chuir siad na scriosadóirí chun báis agus gur loisc siad a gcathair.

[8]Ansin dúirt sé leis na seirbhísigh: ‘Tá an bhainis réidh, ach an dream a fuair an cuireadh, níorbh fhiú iad é.

[9]Mar sin, téigí sibhse i mbéal na mbóithre poiblí, agus cibé daoine a chasfar oraibh, tugaigí cuireadh chun na bainise dóibh.’

[10]Chuaigh na seirbhísigh sin amach ar na bóithre agus bhailigh siad ar casadh orthu, olc agus maith, go raibh halla na bainise lán de chuideachta.

[11]Ghabh an rí isteach ag féachaint ar an gcuideachta, agus chonaic sé fear ann nach raibh aon éadach bainise air.

[12]Dúirt sé leis: ‘Cad a thug isteach anseo thú, a chara, gan éadach bainise ort? ’ Ach ní raibh focal as.

[13]Ansin dúirt an rí leis an lucht freastail: ‘Cuirtear ceangal cos agus lámh air agus caítear amach sa dorchadas é: is ann a bheidh gol agus díoscán fiacla.’

[14]Óir tá glaoite ar mhórán ach níl tofa ach beagán.”

Cion Chéasair agus Cion Dé

[15]D'imigh na Fairisínigh ansin ag déanamh comhairle le chéile chun go mbéarfaidís i ngaiste air sa chaint,

[16]agus chuir siad a ndeisceabail féin chuige mar aon leis na Héaródaigh chun a rá leis: “A Mháistir, tá a fhios againn gur fear fírinneach

ensinas o caminho de Deus, de acordo com a verdade, sem te importares com quem quer que seja, porque não olhas a aparência dos homens.

thú agus go múineann tú slí Dé san fhírinne gan beann agat ar dhuine ar bith, agus gan féachain do phearsa seachas a chéile.

[17] Dize-nos, pois: que te parece? É lícito pagar tributo a César ou não?

[17]Abair linn do bharúil, mar sin: An dleathach cáin a íoc le Céasar nó an mídhleathach?"

[18] Jesus, porém, conhecendo-lhes a malícia, respondeu: Por que me experimentais, hipócritas?

[18]Ach bhí a fhios ag Íosa an mhallaitheacht a bhí iontu agus dúirt: "Cad ab áil libh ag baint trialach asam, a bhréagchráifeacha? Taispeánaigí bonn na cánach dom,"

[19] Mostrai-me a moeda do tributo. Trouxeram-lhe um denário.

[19]agus shín siad déanar chuige.

[20] E ele lhes perguntou: De quem é esta efígie e inscrição?

[20]Dúirt sé leo: "Cé hé arb í seo a íomhá agus a inscríbhinn?"

[21] Responderam: De César. Então, lhes disse: Dai, pois, a César o que é de César e a Deus o que é de Deus.

[21]"Céasar," ar siad leis. "Maith go leor," ar seisean leo, "íocaigí le Céasar na nithe is le Céasar agus le Dia na nithe is le Dia."

[22] Ouvindo isto, se admiraram e, deixando-o, foram-se.

[22]Nuair a chuala siad é sin, bhí ionadh orthu: d'fhág siad é agus d'imigh siad leo.

Os saduceus e a ressurreição

Marcos 12.18-27; Lucas 20.27-40

Aiséirí na Colainne

[23] Naquele dia, aproximaram-se dele alguns saduceus, que dizem não haver ressurreição, e lhe perguntaram:

[23]Tháinig Sadúcaigh chuige an lá céanna - dream a deir nach bhfuil aiséirí ar bith ann - agus chuir siad ceist air:

[24] Mestre, Moisés disse: Se alguém morrer, não tendo filhos, seu irmão casará com a viúva e suscitará descendência ao falecido.

[24]"A Mháistir," ar siad, "dúirt Maois: 'Má fhaigheann duine bás gan chlann, pósadh a dheartháir an bhaintreach, chun sliocht a thógáil dá dheartháir.'

[25] Ora, havia entre nós sete irmãos. O primeiro, tendo casado, morreu e, não tendo descendência, deixou sua mulher a seu irmão;

[25]Bhí, inár meascna, seachtar dearthár. Phós an chéad duine acu agus fuair bás gan sliocht, ag fágáil a mhná ag a dheartháir.

[26] o mesmo sucedeu com o segundo, com o terceiro, até ao sétimo;

[26]An dara duine mar an gcéanna agus an tríú duine, go dtí an seachtar,

[27] depois de todos eles, morreu também a mulher.

[27]agus b'í an bhean féin is déanaí a fuair bás.

[28] Portanto, na ressurreição, de qual dos sete será ela esposa? Porque todos a desposaram.

[29] Respondeu-lhes Jesus: Errais, não conhecendo as Escrituras nem o poder de Deus.

[30] Porque, na ressurreição, nem casam, nem se dão em casamento; são, porém, como os anjos no céu.

[31] E, quanto à ressurreição dos mortos, não tendes lido o que Deus vos declarou:

[32] Eu sou o Deus de Abraão, o Deus de Isaque e o Deus de Jacó? Ele não é Deus de mortos, e sim de vivos.

[33] Ouvindo isto, as multidões se maravilhavam da sua doutrina.

O grande mandamento
Marcos 12.28-31

[34] Entretanto, os fariseus, sabendo que ele fizera calar os saduceus, reuniram-se em conselho.

[35] E um deles, intérprete da Lei, experimentando-o, lhe perguntou:

[36] Mestre, qual é o grande mandamento na Lei?

[37] Respondeu-lhe Jesus: Amarás o SENHOR, teu Deus, de todo o teu coração, de toda a tua alma e de todo o teu entendimento.

[38] Este é o grande e primeiro mandamento.

[39] O segundo, semelhante a este, é: Amarás o teu próximo como a ti mesmo.

[40] Destes dois mandamentos dependem toda a Lei e os Profetas.

O Cristo, Filho de Davi
Marcos 12.35-37; Lucas 20.41-44

[28]San aiséirí, más ea, cé acu den seachtar a mbeidh sí ina bean chéile aige? Óir bhí sí acu uile."

[29]Dúirt Íosa leo á bhfreagairt: "Tá dul amú oraibh, de bhrí nach eol daoibh na scrioptúir ná cumhacht Dé.

[30]Óir, san aiséirí, ní bheidh fir ag pósadh ná mná á dtabhairt le posadh, ach bíonn siad ar nós aingeal Dé ar neamh.

[31]Ach mar gheall ar aiséirí na marbh, nár léigh sibh a ndúirt Dia libh:

[32]'Is mise Dia Abrahám agus Dia Íosác agus Dia Iacóib'? Ní hé Dia na marbh é ach Dia na mbeo."

[33]Ar a chloisteáil sin do na sluaite, ghabh iontas iad faoina theagasc.

An Phríomhaithne

[34]Nuair a chuala na Fairisínigh nár fhág sé focal ag na Sadúcaigh, chruinnigh siad féin le chéile,

[35]agus duine acu, a bhí ina dhlíodóir, chuir sé ceist air ag baint trialach as:

[36]"A Mháistir, cén aithne mhór sa dhlí?"

[37]Dúirt sé leis: " 'Gráóidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán' -

[38]is í sin an aithne mhór agus an phríomhaithne.

[39]Agus is cosúil léise an dara ceann: 'Gráóidh tú do chomharsa mar thú féin.'

[40]Ag brath ar an dá aithne sin atá an dlí ar fad agus na fáithe."

Conas is Mac do Dháiví an Críost

[41] Reunidos os fariseus, interrogou-os Jesus:

[42] Que pensais vós do Cristo? De quem é filho? Responderam-lhe eles: De Davi.

[43] Replicou-lhes Jesus: Como, pois, Davi, pelo Espírito, chama-lhe SENHOR, dizendo:

[44] Disse o SENHOR ao meu SENHOR: Assenta-te à minha direita, até que eu ponha os teus inimigos debaixo dos teus pés?

[45] Se Davi, pois, lhe chama SENHOR, como é ele seu filho?

[46] E ninguém lhe podia responder palavra, nem ousou alguém, a partir daquele dia, fazer-lhe perguntas.

Mateus 23

Jesus censura os escribas e os fariseus

Marcos 12.38-40; Lucas 11.37-52; 20.45-47

[1] Então, falou Jesus às multidões e aos seus discípulos:

[2] Na cadeira de Moisés, se assentaram os escribas e os fariseus.

[3] Fazei e guardai, pois, tudo quanto eles vos disserem, porém não os imiteis nas suas obras; porque dizem e não fazem.

[4] Atam fardos pesados [e difíceis de carregar] e os põem sobre os ombros dos homens; entretanto, eles mesmos nem com o dedo querem movê-los.

[5] Praticam, porém, todas as suas obras com o fim de serem vistos dos homens; pois alargam os seus filactérios e alongam as suas franjas.

[41]Le linn do na Fairisínigh bheith i dteannta a chéile, d'fhiafraigh Íosa díobh:

[42]“Cad é bhur mbarúil faoin gCríost? Cé dó ar mac é?” Dúirt siad leis: “Do Dháiví.”

[43]Dúirt sé leo: “Más ea, cad a bheir do Dháiví Tiarna a ghlaoch air nuair a dúirt sé faoi luí an Spioraid:

[44]‘Dúirt an Tiarna le mo Thiarna: Suigh ar mo dheis, nó go gcuirfead do naimhde faoi do chosa’?

[45]“Má ghlaonn Dáiví Tiarna air, mar sin, cad a bheir ina mhac dó é?”

[46]Ach ní fhéadfadh aon duine focal a rá á fhreagairt, ná ní raibh sé de mhisneach ag aon duine ceist a chur air ón lá sin amach.

Matha 23

Na Fairisínigh agus na Scríobhaithe á gCáineadh

[1]Labhair Íosa ansin leis na sluaite agus lena dheisceabail:

[2]“Tá na scríobhaithe agus na Fairisínigh ina suí i gcathaoir Mhaois,

[3]agus ó tá siad, déanaigí agus coinnígí a ndeir siad libh, ach ná déanaigí de réir a n-oibreacha, óir ní mar a chéile beart agus briathar acu.

[4]Ceanglaíonn siad suas ualaí troma do-iompair agus buaileann siad ar ghuaillí daoine iad, ach ní áil leo féin iad a bhogadh le barr méire.

[5]Déanann siad a n-oibreacha uile d'fhonn go mbeifí á dtabhairt faoi deara. Sin mar a chuireann siad leithead ina bhfiolaictéirí agus fad lena scothóga;

[6] Amam o primeiro lugar nos banquetes e as primeiras cadeiras nas sinagogas,
[7] as saudações nas praças e o serem chamados mestres pelos homens.
[8] Vós, porém, não sereis chamados mestres, porque um só é vosso Mestre, e vós todos sois irmãos.
[9] A ninguém sobre a terra chameis vosso pai; porque só um é vosso Pai, aquele que está nos céus.
[10] Nem sereis chamados guias, porque um só é vosso Guia, o Cristo.
[11] Mas o maior dentre vós será vosso servo.
[12] Quem a si mesmo se exaltar será humilhado; e quem a si mesmo se humilhar será exaltado.

Várias advertências de Jesus

[13] Ai de vós, escribas e fariseus, hipócritas, porque fechais o reino dos céus diante dos homens; pois vós não entrais, nem deixais entrar os que estão entrando!
[14] [Ai de vós, escribas e fariseus, hipócritas, porque devorais as casas das viúvas e, para o justificar, fazeis longas orações; por isso, sofrereis juízo muito mais severo!]
[15] Ai de vós, escribas e fariseus, hipócritas, porque rodeais o mar e a terra para fazer um prosélito; e, uma vez feito, o tornais filho do inferno duas vezes mais do que vós!

[6]is maith leo an chéad áit sna fleánna agus na príomhshuíocháin sna sionagóga,
[7]agus go mbeifí ag beannú dóibh sna háiteanna poiblí, agus go mbeifí ag tabhairt 'raibí' orthu.
[8]Ach ná bíodh 'raibí' á thabhairt oraibhse; óir níl ach an t-aon Mháistir oraibh, agus is bráithre sibhse uile.
[9]Agus ná glaoigí bhur 'n-athair' ar aon duine ar an talamh, óir níl agaibh ach an t-aon Athair, an té atá ar neamh.
[10]Agus fós, ná bíodh 'múinteoirí' á thabhairt oraibh, óir níl agaibh ach an t-aon Mhúinteoir, an Críost.
[11]An té agaibh is uaisle, beidh sé ina sheirbhíseach daoibh.
[12]Agus cibé duine a ardóidh é féin, ísleofar é agus cibé duine a ísleoidh é féin ardófar é.

Mairgí ar na Scríobhaithe agus ar na Fairisínigh

[13]"Is mairg daoibhse, a scríobhaithe agus a Fhairisíneacha bréagchráifeacha, mar go ndúnann sibh ríocht na bhflaitheas in éadan na ndaoine; óir ní théann sibh féin isteach, agus iad seo a bhíonn ag dul isteach bacann sibh iad.
[14]("Is mairg daoibhse, a scríobhaithe agus a Fhairisíneacha bréagchráifeacha, mar go n-alpann sibh cuid na mbaintreach, faoi scáth urnaithe fada; is troimide bhur ndaorbhreith.)
[15]"Is mairg daoibh, a scríobhaithe agus a Fhairisíneacha bréagchráifeacha, mar go ngabhann sibh thar farraigí agus ar fud tíortha chun aon duine amháin a iompú chugaibh, agus ar iompú dó, go ndéanann sibh mac mallachta de níos measa faoi dhó ná sibh féin.

[16] Ai de vós, guias cegos, que dizeis: Quem jurar pelo santuário, isso é nada; mas, se alguém jurar pelo ouro do santuário, fica obrigado pelo que jurou!

[17] Insensatos e cegos! Pois qual é maior: o ouro ou o santuário que santifica o ouro?

[18] E dizeis: Quem jurar pelo altar, isso é nada; quem, porém, jurar pela oferta que está sobre o altar fica obrigado pelo que jurou.

[19] Cegos! Pois qual é maior: a oferta ou o altar que santifica a oferta?

[20] Portanto, quem jurar pelo altar jura por ele e por tudo o que sobre ele está.

[21] Quem jurar pelo santuário jura por ele e por aquele que nele habita;

[22] e quem jurar pelo céu jura pelo trono de Deus e por aquele que no trono está sentado.

Íosa i Láthair Phioláit

[11] Jesus estava em pé ante o governador; e este o interrogou, dizendo: És tu o rei dos judeus? Respondeu-lhe Jesus: Tu o dizes.

[11]Tugadh Íosa i láthair an ghobharnóra, agus d'fhiafraigh an gobharnóir de: "An tusa Rí na nGiúdach?" Dúirt Íosa "Tá sé ráite agat."

[12] E, sendo acusado pelos principais sacerdotes e pelos anciãos, nada respondeu.

[12]Agus le linn a chiontaithe ag na hardsagairt agus ag na seanóirí, bhí sé gan aon fhreagra a thabhairt.

[13] Então, lhe perguntou Pilatos: Não ouves quantas acusações te fazem?

[13]Dúirt Pioláit leis ansin: "Nach gcluineann tú a bhfuil d'fhianaise acu á thabhairt i d'aghaidh?"

[14] Jesus não respondeu nem uma palavra, vindo com isto a admirar-se grandemente o governador.

[14]Ach freagra níor thug sé ar phointe ar bith, rud a chuir ardionadh ar an ngobharnóir.

[15] Ora, por ocasião da festa, costumava o governador soltar ao povo um dos presos, conforme eles quisessem.

[16] Naquela ocasião, tinham eles um preso muito conhecido, chamado Barrabás.

[17] Estando, pois, o povo reunido, perguntou-lhes Pilatos: A quem quereis que eu vos solte, a Barrabás ou a Jesus, chamado Cristo?

[18] Porque sabia que, por inveja, o tinham entregado.

[19] E, estando ele no tribunal, sua mulher mandou dizer-lhe: Não te envolvas com esse justo; porque hoje, em sonho, muito sofri por seu respeito.

[20] Mas os principais sacerdotes e os anciãos persuadiram o povo a que pedisse Barrabás e fizesse morrer Jesus.

[21] De novo, perguntou-lhes o governador: Qual dos dois quereis que eu vos solte? Responderam eles: Barrabás!

[22] Replicou-lhes Pilatos: Que farei, então, de Jesus, chamado Cristo? Seja crucificado! Responderam todos.

[23] Que mal fez ele? Perguntou Pilatos. Porém cada vez clamavam mais: Seja crucificado!

[24] Vendo Pilatos que nada conseguia, antes, pelo contrário, aumentava o tumulto, mandando vir água, lavou as mãos perante o povo, dizendo: Estou inocente do sangue deste [justo]; fique o caso convosco!

[25] E o povo todo respondeu: Caia sobre nós o seu sangue e sobre nossos filhos!

[15]Ach ba ghnáthbhéas don ghobharnóir, i ngach féile, go scaoilfeadh sé saor chun an tslua cibé príosúnach ba rogha leo.

[16]Bhí príosúnach iomráiteach ar láimh an uair sin arbh ainm dó Barabas.

[17]Mar sin, nuair a bhí siad cruinnithe le chéile dúirt Pioláit leo: "Cé acu ba rogha libh mé a scaoileadh chugaibh, Barabas, nó Íosa ar a dtugtar an Críost?" -

[18]mar bhí a fhios aige gur formad faoi deara é thabhairt ar láimh.

[19]Ach le linn dó bheith ina shuí breithimh, chuir a bhean scéala chuige: "Scaoil tharat an fear cóir seo gan baint leis, óir ba mhór í m'fhulaingt i mbrionglóid inniu mar gheall air."

[20]Ach d'áitigh na hardsagairt agus na seanóirí ar na sluaite Barabas a iarraidh agus Íosa a mhilleadh.

[21]Labhair an gobharnóir leo: "Cé acu den bheirt is rogha libh mé a scaoileadh chugaibh?" "Barabas!" ar siad.

[22]Dúirt Pioláit leo: "Más ea, cad a dhéanfaidh mé le hÍosa ar a dtugtar an Críost?" Dúirt siad: "Céastar é!"

[23]Dúirt seisean: "Ach cén t-olc a rinne sé?" Ach is ea ba mhó a bhí siad ag screadadh: "Céastar é!"

[24]Nuair a chonaic Pioláit nach raibh aon mhaith dó ann ach gur mhó a bhíothas ag dul chun calláin, fuair sé uisce agus nigh a lámha os comhair an tslua ag rá: "Nílimse freagrach i bhfuil an fhíréin seo: féachaigí sibhse chuige."

[25]D'fhreagair an pobal ar fad: "Go raibh a chuid fola orainn féin agus ar ár gclann!"

[26] Então, Pilatos lhes soltou Barrabás; e, após haver açoitado a Jesus, entregou-o para ser crucificado.

Jesus entregue aos soldados
Marcos 15.16-20; João 19.2-3

[27] Logo a seguir, os soldados do governador, levando Jesus para o pretório, reuniram em torno dele toda a coorte.

[28] Despojando-o das vestes, cobriram-no com um manto escarlate;

[29] tecendo uma coroa de espinhos, puseram-lha na cabeça e, na mão direita, um caniço; e, ajoelhando-se diante dele, o escarneciam, dizendo: Salve, rei dos judeus!

[30] E, cuspindo nele, tomaram o caniço e davam-lhe com ele na cabeça.

[31] Depois de o terem escarnecido, despiram-lhe o manto e o vestiram com as suas próprias vestes. Em seguida, o levaram para ser crucificado.

Simão leva a cruz do Senhor
Marcos 15.21; Lucas 23.26

[32] Ao saírem, encontraram um cireneu, chamado Simão, a quem obrigaram a carregar-lhe a cruz.

A crucificação
Marcos 15.22-32; Lucas 23.32-43; João 19.17-24

[33] E, chegando a um lugar chamado Gólgota, que significa Lugar da Caveira,

[34] deram-lhe a beber vinho com fel; mas ele, provando-o, não o quis beber.

[35] Depois de o crucificarem, repartiram entre si as suas vestes, tirando a sorte.

[36] E, assentados ali, o guardavam.

[26]Scaoil sé Barabas chucu ansin, ach rinne sé Íosa a sciúrsáil agus a thabhairt suas chun go gcéasfaí é.

An ChORóin Dheilgneach

[27]Ansin rug saighdiúirí an ghobharnóra Íosa leo isteach sa phréatóiriam, agus chuir siad tionól ar an gcathlán go léir chuige.

[28]Bhain siad de a chuid éadaigh agus ghléas siad i bhfallaing chraorag é:

[29]rinne siad coróin a fhí de dheilgneach agus í a bhualadh ar a cheann agus giolcach a chur ina láimh dheis, agus teacht ar a nglúine os a chomhair ag fonóid faoi ag rá: “Sé do bheatha, a Rí na nGiúdach!”

[30]Agus chaith siad seilí air agus bhí siad á bhualadh sa cheann leis an ngiolcach.

[31]Agus tar éis dóibh fonóid a dhéanamh faoi, bhain siad de an fhallaing, chuir siad a chuid éadaigh féin air agus sheol siad leo é chun a chéasta.

An Céasadh

[32]Sa tslí amach dóibh, casadh fear Cuiréanach orthu arbh ainm dó Síomón; chuir siad d'fhiacha air seo a chros a iompar.

[33]Agus ar theacht dóibh go dtí áit ar a dtugtar Golgotá - is é sin le rá, Áit an Chloiginn -

[34]thug siad le hól dó fíon a raibh domlas tríd, ach ar a bhlaiseadh dó, dhiúltaigh sé a ól.

[35]Tar éis dóibh é a chéasadh, roinn siad a chuid éadaigh eatarthu, á gcur ar chrainn,

[36]agus d'fhan siad ina suí ansiúd á ghardáil.

[37] Por cima da sua cabeça puseram escrita a sua acusação: ESTE É JESUS, O REI DOS JUDEUS.

[38] E foram crucificados com ele dois ladrões, um à sua direita, e outro à sua esquerda.

[39] Os que iam passando blasfemavam dele, meneando a cabeça e dizendo:

[40] Ó tu que destróis o santuário e em três dias o reedificas! Salva-te a ti mesmo, se és Filho de Deus, e desce da cruz!

[41] De igual modo, os principais sacerdotes, com os escribas e anciãos, escarnecendo, diziam:

[42] Salvou os outros, a si mesmo não pode salvar-se. É rei de Israel! Desça da cruz, e creremos nele.

[43] Confiou em Deus; pois venha livrá-lo agora, se, de fato, lhe quer bem; porque disse: Sou Filho de Deus.

[44] E os mesmos impropérios lhe diziam também os ladrões que haviam sido crucificados com ele.

A morte de Jesus

Marcos 15.33-41; Lucas 23.44-49; João 19.28-30

[45] Desde a hora sexta até à hora nona, houve trevas sobre toda a terra.

[46] Por volta da hora nona, clamou Jesus em alta voz, dizendo: Eli, Eli, lamá sabactâni? O que quer dizer: Deus meu, Deus meu, por que me desamparaste?

[47] E alguns dos que ali estavam, ouvindo isto, diziam: Ele chama por Elias.

[48] E, logo, um deles correu a buscar uma esponja e, tendo-a embebido de vinagre e

[37]Cuireadh scríbhinn os a chionn ag insint cúis a dhaortha: "Is é seo Íosa Rí na nGiúdach."

[38]Ansin céasadh mar aon leis beirt robálaithe, duine acu ar a dheis agus an duine eile ar a chlé.

[39]Bhí lucht an bhealaigh ag tabhairt achasáin dó, ag croitheadh a gceann

[40]agus ag rá: "Thusa, a leagfadh Teampall Dé anuas agus a thógfadh é i dtrí lá, saor thú féin, más tú Mac Dé, agus tar anuas ón gcros!"

[41]Bhí na hardsagairt freisin ag fonóid faoi, in éineacht leis na scríobhaithe agus na seanóirí, agus deiridís:

[42]"Shaor sé daoine eile, ní féidir leis é féin a shaoradh! Is é Rí Iosrael é: tagadh sé anuas ón gcros feasta agus creidfimid ann.

[43]As Dia a bhí a mhuinín; fuasclaíodh Dia anois é más gnaoi leis é, óir dúirt sé féin: 'Is mé Mac Dé.' "

[44]Na robálaithe freisin a céasadh mar aon leis, bhí siad á aithisiú mar an gcéanna.

Bás Chríost

[45]Ón séú huair bhí dorchadas anuas ar an talamh go léir go dtí an naoú huair.

[46]Agus timpeall an naoú huair, d'éigh Íosa de ghlór ard: "Élí, Élí, lamá sabachtání?" is é sin le rá: "A Dhia, a Dhia, cén fáth ar thréig tú mé?"

[47]Dúirt cuid díobh seo a bhí i láthair, ar a chloisteáil sin dóibh: "Ag glaoch ar Éilias atá sé seo,"

[48]agus leis sin rith duine acu chun spúinse a fháil, thum i bhfínéagar é, chuir ar bharr giolcaí é agus thug deoch dó.

colocado na ponta de um caniço, deu-lhe a beber.

[49] Os outros, porém, diziam: Deixa, vejamos se Elias vem salvá-lo.

[50] E Jesus, clamando outra vez com grande voz, entregou o espírito.

[51] Eis que o véu do santuário se rasgou em duas partes de alto a baixo; tremeu a terra, fenderam-se as rochas;

[52] abriram-se os sepulcros, e muitos corpos de santos, que dormiam, ressuscitaram;

[53] e, saindo dos sepulcros depois da ressurreição de Jesus, entraram na cidade santa e apareceram a muitos.

[54] O centurião e os que com ele guardavam a Jesus, vendo o terremoto e tudo o que se passava, ficaram possuídos de grande temor e disseram: Verdadeiramente este era Filho de Deus.

[55] Estavam ali muitas mulheres, observando de longe; eram as que vinham seguindo a Jesus desde a Galiléia, para o servirem;

[56] entre elas estavam Maria Madalena, Maria, mãe de Tiago e de José, e a mulher de Zebedeu.

O sepultamento de Jesus

Marcos 15.42-47; Lucas 23.50-56; João 19.38-42

[57] Caindo a tarde, veio um homem rico de Arimatéia, chamado José, que era também discípulo de Jesus.

[58] Este foi ter com Pilatos e lhe pediu o corpo de Jesus. Então, Pilatos mandou que lho fosse entregue.

[49]Ach dúirt an chuid eile: “Fan go bhfeicimid an dtiocfaidh Éilias á shaoradh.”

[50]Ach gháir Íosa amach arís de ghlór ard agus lig sé uaidh a spiorad.

[51]Agus réabadh brat an Teampaill ina dhó ó bharr go bun, chrith an talamh agus réabadh na carraigeacha.

[52]D'oscail na tuamaí agus d'éirigh mórán de choirp na naomh a bhí ina suan:

[53]tháinig siad amach as na tuamaí tar éis d'Íosa aiséirí agus isteach sa chathair naofa agus taibhsíodh iad dá lán.

[54]An taoiseach céad, agus na fir a bhí ag gardáil Íosa in éineacht leis, nuair a chonaic siad an mhaidhm talún agus na nithe a tharla, bhí uamhan an-mhór orthu agus dúirt siad: “Go dearfa, ba é Mac Dé é seo.”

[55]Agus bhí mórán ban ann agus iad i bhfad uaidh ag breathnú, iad siúd a bhí tar éis Íosa a leanúint ón nGailíl chun bheith ag freastal air:

[56]Bhí Máire Mhaigdiléana orthu, agus Máire máthair Shéamais agus Iósaef, agus máthair chlann Zeibidé.

Íosa á Adhlacadh: An Tuama á Ghardáil

[57]Nuair a bhí an tráthnóna ann, tháinig fear saibhir as Aramatáia darbh ainm Iósaef, agus é féin freisin ina dheisceabal ag Íosa;

[58]chuaigh sé seo go dtí Pioláit agus d'iarr corp Íosa air. D'ordaigh Pioláit ansin é a thabhairt dó.

[59] E José, tomando o corpo, envolveu-o num pano limpo de linho

[60] e o depositou no seu túmulo novo, que fizera abrir na rocha; e, rolando uma grande pedra para a entrada do sepulcro, se retirou.

[61] Achavam-se ali, sentadas em frente da sepultura, Maria Madalena e a outra Maria.

A guarda do sepulcro

[62] No dia seguinte, que é o dia depois da preparação, reuniram-se os principais sacerdotes e os fariseus e, dirigindo-se a Pilatos,

[63] disseram-lhe: SENHOR, lembramo-nos de que aquele embusteiro, enquanto vivia, disse: Depois de três dias ressuscitarei.

[64] Ordena, pois, que o sepulcro seja guardado com segurança até ao terceiro dia, para não suceder que, vindo os discípulos, o roubem e depois digam ao povo: Ressuscitou dos mortos; e será o último embuste pior que o primeiro.

[65] Disse-lhes Pilatos: Aí tendes uma escolta; ide e guardai o sepulcro como bem vos parecer.

[66] Indo eles, montaram guarda ao sepulcro, selando a pedra e deixando ali a escolta.

Mateus 28

A ressurreição de Jesus. Seu aparecimento às mulheres

Marcos 16.1-8; Lucas 24.1-12; João 20.1-10

[59]Thóg Iósaef an corp, d'fhill i línéadach glan é

[60]agus chuir ina thuama nua féin é a bhí gearrtha sa charraig aige; agus tar éis dó cloch mhór a iompú le béal an tuama d'imigh sé leis.

[61]Bhí Máire Mhaigdiléana ann agus an Mháire eile, agus iad ina suí os comhair na huaimhe.

[62]Lá arna mhárach, is é sin le rá, an lá tar éis an ullmhaithe, chuaigh na hardsagairt agus na Fairisínigh i dteannta a chéile go dtí Pioláit

[63]agus dúirt siad: “A dhuine uasail, tá sé tar éis teacht chun ár gcuimhne go ndúirt an mealltóir úd agus é beo: ‘I gcionn trí lá, aiséireoidh mé.’

[64]Ordaigh, dá bhrí sin, an uaimh a dhéanamh daingean go dtí an treas lá, le heagla go dtiocfadh a chuid deisceabal á fhuadach agus go ndéarfaidís leis an bpobal: ‘Tá sé éirithe ó mhairbh, ’ agus ba mheasa an dul amú nua ná an chéad dul amú.”

[65]Dúirt Pioláit leo: “Bíodh garda agaibh; seo libh, déanaigí daingean í mar is fearr is eolach sibh.”

[66]D'imigh siad agus rinne siad an uaimh daingean, ag bualadh séala ar an gcloch agus ag ceapadh garda.

Matha 28

An Tuama Folamh -- Íosa á Thaispeáint Féin do na Mná

[1] No findar do sábado, ao entrar o primeiro dia da semana, Maria Madalena e a outra Maria foram ver o sepulcro.

[2] E eis que houve um grande terremoto; porque um anjo do SENHOR desceu do céu, chegou-se, removeu a pedra e assentou-se sobre ela.

[3] O seu aspecto era como um relâmpago, e a sua veste, alva como a neve.

[4] E os guardas tremeram espavoridos e ficaram como se estivessem mortos.

[5] Mas o anjo, dirigindo-se às mulheres, disse: Não temais; porque sei que buscais Jesus, que foi crucificado.

[6] Ele não está aqui; ressuscitou, como tinha dito. Vinde ver onde ele jazia.

[7] Ide, pois, depressa e dizei aos seus discípulos que ele ressuscitou dos mortos e vai adiante de vós para a Galiléia; ali o vereis. É como vos digo!

[8] E, retirando-se elas apressadamente do sepulcro, tomadas de medo e grande alegria, correram a anunciá-lo aos discípulos.

[9] E eis que Jesus veio ao encontro delas e disse: Salve! E elas, aproximando-se, abraçaram-lhe os pés e o adoraram.

[10] Então, Jesus lhes disse: Não temais! Ide avisar a meus irmãos que se dirijam à Galiléia e lá me verão.

Os judeus subornam os guardas

[1]Tar éis na sabóide, le láchan an chéad lae den tseachtain, tháinig Máire Mhaigdiléana agus an Mháire eile ag feiceáil na huaimhe.

[2]Agus bhí maidhm mhór talún ann, mar thuirling aingeal an Tiarna ó neamh agus tháinig ag iompú na cloiche siar agus shuigh sé uirthi.

[3]Bhí a ghnúis mar a bheadh splanc agus éadach air a bhí chomh bán le sneachta.

[4]Bhí an lucht gardála ar crith le heagla roimhe agus iad mar a bheidís marbh.

[5]Labhair an t-aingeal leis na mná agus dúirt: “Ná bíodh aon eagla oraibhse, mar tá a fhios agam go bhfuil sibh ag lorg Íosa, an té a céasadh.

[6]Níl sé anseo, mar tá sé éirithe de réir mar a dúirt sé. Tagaigí i leith breathnaigí an áit a raibh sé ina luí.

[7]Agus imígí libh go tapa á insint dá dheisceabail go bhfuil sé éirithe ó mhairbh, agus tá sé ag dul romhaibh go dtí an Ghailíl: is ansiúd a fheicfidh sibh é. Sin agaibh mo scéal!”

[8]D'fhág siad an tuama go tapa, agus uamhan agus ardáthas orthu, agus iad ag rith le fios an scéil chun a dheisceabal.

[9]Agus seo Íosa ag teacht faoina ndéin go ndúirt: “Sé bhur mbeatha!” Dhruid siad ina aice agus rug siad barróg ar a chosa ag umhlú dó.

[10]Dúirt Íosa leo ansin: “Ná bíodh eagla oraibh! Imígí, beirigí scéala chun mo bhráithre iad a dhul go dtí an Ghailíl, agus feicfidh siad ansiúd mé.”

Na Gardaí á mBreabadh ag an tSainidrín

[11] E, indo elas, eis que alguns da guarda foram à cidade e contaram aos principais sacerdotes tudo o que sucedera.

[12] Reunindo-se eles em conselho com os anciãos, deram grande soma de dinheiro aos soldados,

[13] recomendando-lhes que dissessem: Vieram de noite os discípulos dele e o roubaram enquanto dormíamos.

[14] Caso isto chegue ao conhecimento do governador, nós o persuadiremos e vos poremos em segurança.

[15] Eles, recebendo o dinheiro, fizeram como estavam instruídos. Esta versão divulgou-se entre os judeus até ao dia de hoje.

Jesus aparece aos discípulos na Galileia

[16] Seguiram os onze discípulos para a Galiléia, para o monte que Jesus lhes designara.

[17] E, quando o viram, o adoraram; mas alguns duvidaram.

A Grande Comissão

Marcos 16.15-18; Lucas 24.44-49

[18] Jesus, aproximando-se, falou-lhes, dizendo: Toda a autoridade me foi dada no céu e na terra.

[19] Ide, portanto, fazei discípulos de todas as nações, batizando-os em nome do Pai, e do Filho, e do Espírito Santo;

[20] ensinando-os a guardar todas as coisas que vos tenho ordenado. E eis que estou convosco todos os dias até à consumação do século.

[11]Le linn dóibh sin bheith ag imeacht, seo isteach sa chathair cuid den gharda, agus d'inis siad an scéal go léir do na hardsagairt.

[12]Chruinnigh siadsan agus na seanóirí le chéile agus tar éis an scéal a phlé, thug siad fáltas maith airgid do na saighdiúirí

[13]ag rá: "Is é a déarfaidh sibh: 'Tháinig a chuid deisceabal san oíche agus sinne inár gcodladh agus d'fhuadaigh siad é.'

[14]Agus má thagann guth an scéil seo chun an ghobharnóra, cuirfimidne comhairle air agus saorfaimid sibhse ó imní."

[15]Ghlac siad an t-airgead agus rinne de réir mar a dúradh leo, agus bíonn an scéal á reic i measc na nGiúdach go dtí an lá inniu.

Íosa Aiséirithe sa Ghailíl: Misean na nAspal

[16]D'imigh an t-aon deisceabal déag leo go dtí an Ghailíl, go dtí an sliabh a cheap Íosa mar ionad coinne dóibh,

[17]agus ar a fheiceáil dóibh d'umhlaigh siad dó, ach go raibh amhras ar chuid acu.

[18]Tháinig Íosa chucu agus labhair sé leo: "Tá gach údarás tugtha domsa ar neamh agus ar talamh.

[19]Imígí dá bhrí sin, déanaigí deisceabail de na náisiúin uile, á mbaisteadh in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh,

[20]ag múineadh dóibh gach ní atá ordaithe agam a choinneáil. Agus féach, táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil."

O evangelho segundo Marcos	Marcas

Marcos 1

[1] Princípio do evangelho de Jesus Cristo, Filho de Deus.

João Batista
Mateus 3.1-6; Lucas 3.1-6

[2] Conforme está escrito na profecia de Isaías: Eis aí envio diante da tua face o meu mensageiro, o qual preparará o teu caminho;

[3] voz do que clama no deserto: Preparai o caminho do SENHOR, endireitai as suas veredas;

[4] apareceu João Batista no deserto, pregando batismo de arrependimento para remissão de pecados.

[5] Saíam a ter com ele toda a província da Judéia e todos os habitantes de Jerusalém; e, confessando os seus pecados, eram batizados por ele no rio Jordão.

[6] As vestes de João eram feitas de pêlos de camelo; ele trazia um cinto de couro e se alimentava de gafanhotos e mel silvestre.

João dá testemunho de Jesus
Mateus 3.11-12; Lucas 3.15-17; João 1.19-28

[7] E pregava, dizendo: Após mim vem aquele que é mais poderoso do que eu, do qual não sou digno de, curvando-me, desatar-lhe as correias das sandálias.

[8] Eu vos tenho batizado com água; ele, porém, vos batizará com o Espírito Santo.

O batismo de Jesus
Mateus 3.13-17; Lucas 3.21-22; João 1.32-34

[9] Naqueles dias, veio Jesus de Nazaré da Galiléia e por João foi batizado no rio Jordão.

Marcas 1

Eoin Baiste ag Fógairt

[1]Tosach Shoiscéal Íosa Críost, Mac Dé.

[2]De réir mar atá scríofa in Íseáia fáidh: “Féach, cuirim mo theachtaire romhat a ullmhóidh do bhóthar.

[3]Glór duine ag éamh san fhásach: ‘Réitígí bóthar an Tiarna, déanaigí díreach a chosáin.’ ”

[4]Tháinig Eoin ag baisteadh san fhásach agus ag fógairt baiste aithrí chun peacaí a mhaitheamh.

[5]Agus bhí ag teacht amach chuige na daoine ó thír Iúdáia go léir, agus muintir uile Iarúsailéim, agus iad ag fáil baiste uaidh in abhainn na Iordáine ag admháil a bpeacaí.

[6]Bhí rón camaill mar éadach ar Eoin, crios leathair faoina choim aige, lócaistí agus mil fhiáin mar bheatha aige.

[7]Agus bhíodh sé ag seanmóir á rá: “Tá ag teacht i mo dhiaidh an té atá níos treise ná mé, agus ní fiú mé cromadh síos chun iall a chuarán a scaoileadh.

[8]Bhaist mise le huisce sibh, ach baistfidh seisean sibh leis an Spiorad Naomh.”

[9]Lá de na laethanta sin tháinig Íosa ó Nazarat sa Ghailíl agus fuair baisteadh sa Iordáin ó Eoin.

[10] Logo ao sair da água, viu os céus rasgarem-se e o Espírito descendo como pomba sobre ele.

[11] Então, foi ouvida uma voz dos céus: Tu és o meu Filho amado, em ti me comprazo.

A tentação de Jesus
Mateus 4.1-11; Lucas 4.1-13

[12] E logo o Espírito o impeliu para o deserto,

[13] onde permaneceu quarenta dias, sendo tentado por Satanás; estava com as feras, mas os anjos o serviam.

Jesus volta para a Galileia
Mateus 4.12-17; Lucas 4.14-15

[14] Depois de João ter sido preso, foi Jesus para a Galiléia, pregando o evangelho de Deus,

[15] dizendo: O tempo está cumprido, e o reino de Deus está próximo; arrependei-vos e crede no evangelho.

A vocação de discípulos
Mateus 4.18-22; Lucas 5.1-11

[16] Caminhando junto ao mar da Galiléia, viu os irmãos Simão e André, que lançavam a rede ao mar, porque eram pescadores.

[17] Disse-lhes Jesus: Vinde após mim, e eu vos farei pescadores de homens.

[18] Então, eles deixaram imediatamente as redes e o seguiram.

[19] Pouco mais adiante, viu Tiago, filho de Zebedeu, e João, seu irmão, que estavam no barco consertando as redes.

[20] E logo os chamou. Deixando eles no barco a seu pai Zebedeu com os empregados, seguiram após Jesus.

[10]Agus an túisce a tháinig sé aníos as an uisce, chonaic sé na flaithis ag oscailt ó chéile agus an Spiorad mar a bheadh colm ag teacht anuas air.

[11]Agus tháinig glór ó na flaithis: “Is tú mo Mhac muirneach; is duit a thug mé gnaoi.”

Íosa á Phromhadh ag Sátan

[12]Go luath ina dhiaidh sin, chuir an Spiorad amach faoin bhfásach é

[13]agus bhí sé daichead lá san fhásach á phromhadh ag Sátan. Agus bhí sé in éineacht leis na beithígh allta; agus bhí na haingil ag freastal air.

Íosa ag Fógairt na Ríochta: Na Chéad Deisceabail

[14]Tar éis Eoin a bheith tugtha ar láimh, tháinig Íosa go dtí an Ghailíl ag fógairt soiscéal Dé

[15]agus ag rá: “Tá an tréimhse caite agus tá ríocht Dé in achmaireacht. Déanaigí aithrí agus creidigí sa soiscéal.”

[16]Bhí sé ag imeacht leis cois farraige na Gailíle nuair a chonaic sé Síomón agus Aindrias deartháir Shíomóin agus iad ag caitheamh eangaí san fharraige, mar iascairí a bhí iontu.

[17]Dúirt Íosa leo: “Tagaigí i mo dhiaidh, agus déanfaidh mé díbh iascairí ar dhaoine.”

[18]D'fhág siad na líonta láithreach agus lean siad é.

[19]Bhuail sé ar aghaidh beagán eile agus chonaic sé Séamas mac Zeibidé agus Eoin a dheartháir, iad ina mbád féin ag ceartú na líonta, agus ghlaoigh sé iad láithreach.

[20]D'fhág siad a n-athair Zeibidé sa bhád, é féin agus an lucht pá, agus ghabh siad leis.

A cura de um endemoninhado em Cafarnaum
Lucas 4.31-37

[21] Depois, entraram em Cafarnaum, e, logo no sábado, foi ele ensinar na sinagoga.

[22] Maravilhavam-se da sua doutrina, porque os ensinava como quem tem autoridade e não como os escribas.

[23] Não tardou que aparecesse na sinagoga um homem possesso de espírito imundo, o qual bradou:

[24] Que temos nós contigo, Jesus Nazareno? Vieste para perder-nos? Bem sei quem és: o Santo de Deus!

[25] Mas Jesus o repreendeu, dizendo: Cala-te e sai desse homem.

[26] Então, o espírito imundo, agitando-o violentamente e bradando em alta voz, saiu dele.

[27] Todos se admiraram, a ponto de perguntarem entre si: Que vem a ser isto? Uma nova doutrina! Com autoridade ele ordena aos espíritos imundos, e eles lhe obedecem!

[28] Então, correu célere a fama de Jesus em todas as direções, por toda a circunvizinhança da Galiléia.

A cura da sogra de Pedro
Mateus 8.14-15; Lucas 4.38-39

[29] E, saindo eles da sinagoga, foram, com Tiago e João, diretamente para a casa de Simão e André.

[30] A sogra de Simão achava-se acamada, com febre; e logo lhe falaram a respeito dela.

Íosa ag Teagasc agus ag Leigheas i gCafarnáum

[21]Chuaigh siad isteach i gCafarnáum. Agus lá na sabóide féin, ar dhul isteach sa tsionagóg dó, thosaigh sé ag teagasc.

[22]Agus bhí ionadh orthu faoina theagasc; á dteagasc a bhí sé mar dhuine a mbeadh údarás aige, níorbh ionann agus na scríobhaithe.

[23]Bhí, san am sin, duine sa tsionagóg a raibh smacht ag spiorad míghlan air, agus scread sé amach:

[24]“Há, cad ab áil leat dínn, a Íosa Nazairéanaigh? Chun ár millte a tháinig tú. Is eol dom cé hé thú: Naomh Dé.”

[25]Labhair Íosa leis go bagrach: “Bí i do thost, agus gabh amach as.”

[26]Bhain an spiorad míghlan rachtaí as an duine, ghlaoigh amach go hard agus d'imigh as.

[27]Agus bhí alltacht chomh mór sin ar chách go raibh siad ag fiafraí dá chéile: “Cad é an rud é seo?” deiridís: “teagasc nua á dhéanamh le húdarás; na spioraid mhíghlana féin, fógraíonn sé orthu agus déanann siad rud air.”

[28]Agus níorbh fhada gur leath a chlú go fada gearr ar fud cheantar uile na Gailíle.

[29]Ar dhul amach as an tsionagóg dó, chuaigh sé isteach gan mhoill i dteach Shíomóin agus Aindrias, in éineacht le Séamas agus Eoin.

[30]Bhí máthair chéile Shíomóin ina luí agus an fiabhras uirthi, agus ní dhearna siad aon mhoill gan labhairt leis mar gheall uirthi.

[31] Então, aproximando-se, tomou-a pela mão; e a febre a deixou, passando ela a servi-los.

[31]Chuaigh sé anonn chuici, rug ar láimh uirthi agus thóg suas í. D'fhág an fiabhras í agus thosaigh sí ag freastal orthu.

Muitas outras curas

Mateus 8.16-17; Lucas 4.40-41

[32] À tarde, ao cair do sol, trouxeram a Jesus todos os enfermos e endemoninhados.

[32]Nuair a bhí an tráthnóna ann, tar éis luí gréine, thug siad chuige cách a bhí tinn agus na daoine a raibh deamhain iontu.

[33] Toda a cidade estava reunida à porta.

[33]Bhí an chathair ar fad cruinnithe timpeall an dorais,

[34] E ele curou muitos doentes de toda sorte de enfermidades; também expeliu muitos demônios, não lhes permitindo que falassem, porque sabiam quem ele era.

[34]agus leigheas sé mórán a bhí tinn ó gach sórt galair, agus chaith sé amach mórán deamhan, agus ní ligeadh sé do na deamhain labhairt, mar bhí a fhios acu cérbh é.

Jesus se retira para orar

Lucas 4.42-44

[35] Tendo-se levantado alta madrugada, saiu, foi para um lugar deserto e ali orava.

[35]D'éirigh sé ina shuí ar maidin tamall maith roimh lá, ghabh sé amach agus d'imigh go dtí áit uaigneach agus bhí sé ansiúd ag guí.

[36] Procuravam-no diligentemente Simão e os que com ele estavam.

[36]Chuaigh Síomón agus a chompánaigh ar a lorg,

[37] Tendo-o encontrado, lhe disseram: Todos te buscam.

[37]agus nuair a fuair siad é dúirt siad leis: “Tá cách do do chuardach.”

[38] Jesus, porém, lhes disse: Vamos a outros lugares, às povoações vizinhas, a fim de que eu pregue também ali, pois para isso é que eu vim.

[38]Dúirt sé leo: “Téanam go dtí áit éigin eile, isteach sna bailte móra atá ar cóngar, chun go mbeinn ag seanmóir iontu sin freisin, mar is chuige sin a ghabh mé amach.”

[39] Então, foi por toda a Galiléia, pregando nas sinagogas deles e expelindo os demônios.

[39]Agus tháinig sé ag seanmóir ina gcuid sionagóg ar fud na Gailíle go léir agus ag caitheamh na ndeamhan amach.

A cura de um leproso

Mateus 8.1-4; Lucas 5.12-16

Lobhar á Leigheas

[40] Aproximou-se dele um leproso rogando-lhe, de joelhos: Se quiseres, podes purificar-me.

[40]Tháinig lobhar chuige ag achainí air agus é ar a dhá ghlúin: “Más áil leat é,” ar seisean, “is féidir duit mé a ghlanadh.”

[41] Jesus, profundamente compadecido, estendeu a mão, tocou-o e disse-lhe: Quero, fica limpo!

[41]Ghlac Íosa trua dó, shín amach a lámh agus bhain leis: “Is áil,” ar seisean leis, “glantar thú!”

[42] No mesmo instante, lhe desapareceu a lepra, e ficou limpo.

[43] Fazendo-lhe, então, veemente advertência, logo o despediu

[44] e lhe disse: Olha, não digas nada a ninguém; mas vai, mostra-te ao sacerdote e oferece pela tua purificação o que Moisés determinou, para servir de testemunho ao povo.

[45] Mas, tendo ele saído, entrou a propalar muitas coisas e a divulgar a notícia, a ponto de não mais poder Jesus entrar publicamente em qualquer cidade, mas permanecia fora, em lugares ermos; e de toda parte vinham ter com ele.

[42]D'fhág an lobhra é láithreach agus glanadh é.

[43]Labhair Íosa go corraiceach leis agus chuir chun siúil é gan mhoill

[44]ag rá leis: "Ná habair focal le haon duine, féach, ach imigh leat agus taispeáin don sagart thú féin agus déan, de chionn do ghlanta, an ofráil a d'ordaigh Maois mar fhianaise dóibh."

[45]Ní túisce a d'fhág an duine an láthair, áfach, ná bhí guth ard aige ag leathadh an scéil, ionas nach bhféadfadh Íosa dul isteach go hoscailte i gcathair feasta, ach fanacht lasmuigh sna háiteanna uaigneacha agus bhítí ag triall air as gach aird.

Marcos 2

A cura de um paralítico em Cafarnaum

Mateus 9.1-8; Lucas 5.17-26

[1] Dias depois, entrou Jesus de novo em Cafarnaum, e logo correu que ele estava em casa.

[2] Muitos afluíram para ali, tantos que nem mesmo junto à porta eles achavam lugar; e anunciava-lhes a palavra.

[3] Alguns foram ter com ele, conduzindo um paralítico, levado por quatro homens.

[4] E, não podendo aproximar-se dele, por causa da multidão, descobriram o eirado no ponto correspondente ao em que ele estava e, fazendo uma abertura, baixaram o leito em que jazia o doente.

[5] Vendo-lhes a fé, Jesus disse ao paralítico: Filho, os teus pecados estão perdoados.

Marcas 2

Pairiliseach á Leigheas

[1]Roinnt laethanta ina dhiaidh sin, ar theacht ar ais go Cafarnáum dó, fuarthas fios go raibh sé sa teach,

[2]agus bhí an oiread sin daoine cruinnithe ann nach raibh slí ann fiú amháin timpeall an dorais, agus bhí sé ag labhairt an bhriathair leo.

[3]Tháinig daoine ag tabhairt pairilisigh chuige ar iompar idir ceathrar.

[4]Nuair nárbh fhéidir leo teacht ina ghar mar gheall ar an slua, nocht siad an díon os a chionn, agus tar éis dóibh poll a dhéanamh, lig siad síos an tsráideog a raibh an pairiliseach ina luí inti.

[5]Nuair a chonaic Íosa an creideamh a bhí acu, dúirt sé leis an bpairiliseach: "A mhic, tá do pheacaí maite."

[6] Mas alguns dos escribas estavam assentados ali e arrazoavam em seu coração:
[7] Por que fala ele deste modo? Isto é blasfêmia! Quem pode perdoar pecados, senão um, que é Deus?
[8] E Jesus, percebendo logo por seu espírito que eles assim arrazoavam, disse-lhes: Por que arrazoais sobre estas coisas em vosso coração?
[9] Qual é mais fácil? Dizer ao paralítico: Estão perdoados os teus pecados, ou dizer: Levanta-te, toma o teu leito e anda?
[10] Ora, para que saibais que o Filho do Homem tem sobre a terra autoridade para perdoar pecados – disse ao paralítico:
[11] Eu te mando: Levanta-te, toma o teu leito e vai para tua casa.
[12] Então, ele se levantou e, no mesmo instante, tomando o leito, retirou-se à vista de todos, a ponto de se admirarem todos e darem glória a Deus, dizendo: Jamais vimos coisa assim!

A vocação de Levi
Mateus 9.9; Lucas 5.27-28

[13] De novo, saiu Jesus para junto do mar, e toda a multidão vinha ao seu encontro, e ele os ensinava.
[14] Quando ia passando, viu a Levi, filho de Alfeu, sentado na coletoria e disse-lhe: Segue-me! Ele se levantou e o seguiu.

Jesus come com pecadores
Mateus 9.10-13; Lucas 5.29-32

[15] Achando-se Jesus à mesa na casa de Levi, estavam juntamente com ele e com seus discípulos muitos publicanos e

[6]Bhí cuid de na scríobhaithe ina suí ansiúd ag smaoineamh ina gcroí:
[7]“Cad a bheir dó seo labhairt mar sin? Is diamhasla dó é. Cé fhéadann peacaí a mhaitheamh ach amháin Dia?”
[8]Ach thuig Íosa láithreach ina spiorad go raibh an smaoineamh sin ina n-aigne agus dúirt sé leo: “Cad a bheir na smaointe sin in bhur gcroí?
[9]Cé acu is fusa, a rá leis an bpairiliseach: ‘Tá do pheacaí maite, ’ nó a rá: ‘Éirigh, tóg do shráideog, agus siúil’?
[10]Ach chun go mbeadh a fhios agaibh go bhfuil údarás ag Mac an Duine ar an talamh peacaí a mhaitheamh” - dúirt sé leis an bpairiliseach:
[11]“Deirim leat, éirigh, tóg do shráideog agus gabh abhaile.”
[12]D'éirigh seisean agus thóg an tsráideog láithreach, agus d'imigh amach os comhair cách, ionas go raibh alltacht orthu uile agus gur thug siad glóir do Dhia á rá: “Ní fhacamar a leithéid seo riamh.”

Léiví á Ghlaoch

[13]Chuaigh sé amach arís cois na farraige, agus bhí an slua go léir ag teacht chuige agus eisean á dteagasc.
[14]Agus ag dul thar bráid dó, chonaic sé Léiví mac Alfáias ina shuí in oifig an chustaim agus dúirt leis: “Lean mise.” D'éirigh seisean agus lean sé é.

[15]Agus nuair a bhí sé ag bord ina theach, bhí mórán poibleacánach agus peacach ina suí le

pecadores; porque estes eram em grande número e também o seguiam.

16 Os escribas dos fariseus, vendo-o comer em companhia dos pecadores e publicanos, perguntavam aos discípulos dele: Por que come [e bebe] ele com os publicanos e pecadores?

17 Tendo Jesus ouvido isto, respondeu-lhes: Os sãos não precisam de médico, e sim os doentes; não vim chamar justos, e sim pecadores.

Do jejum

Mateus 9.14-17; Lucas 5.33-39

18 Ora, os discípulos de João e os fariseus estavam jejuando. Vieram alguns e lhe perguntaram: Por que motivo jejuam os discípulos de João e os dos fariseus, mas os teus discípulos não jejuam?

19 Respondeu-lhes Jesus: Podem, porventura, jejuar os convidados para o casamento, enquanto o noivo está com eles? Durante o tempo em que estiver presente o noivo, não podem jejuar.

20 Dias virão, contudo, em que lhes será tirado o noivo; e, nesse tempo, jejuarão.

21 Ninguém costura remendo de pano novo em veste velha; porque o remendo novo tira parte da veste velha, e fica maior a rotura.

22 Ninguém põe vinho novo em odres velhos; do contrário, o vinho romperá os odres; e tanto se perde o vinho como os odres. Mas põe-se vinho novo em odres novos.

Jesus é senhor do sábado

hÍosa agus lena dheisceabail, mar bhí mórán díobh á leanúint.

16Nuair a chonaic scríobhaithe na bhFairisíneach go raibh sé ag ithe leis na peacaigh agus na poibleacánaigh, dúirt siad lena dheisceabail: “Cén fáth a mbíonn sé ag ithe agus ag ól le poibleacánaigh agus le peacaigh?”

17Ar a chloisteáil sin d'Íosa dúirt sé leo: “Ní ag na daoine atá slán a bhíonn gá le lia ach ag na daoine atá tinn. Ní fíréin a tháinig mé a ghlaoch ach peacaigh.”

Ceist faoin Troscadh

18Bhí troscadh á dhéanamh ag deisceabail Eoin agus ag na Fairisínigh, agus tháinig daoine á rá leis: “Cén fáth a ndéanann deisceabail Eoin agus deisceabail na bhFairisíneach troscadh, agus nach ndéanann do dheisceabailse troscadh?”

19Dúirt Íosa leo: “An féidir le hógánaigh na bainise troscadh a dhéanamh le linn don fhear nuaphósta bheith leo? Fad a bhíonn an fear nuaphósta leo, ní féidir dóibh troscadh a dhéanamh.

20Ach tiocfaidh na laethanta nuair a bheidh an fear nuaphósta tógtha uathu, agus ansin déanfaidh siad troscadh an lá sin.

21Ní fhuafadh aon duine preabán d'éadach gan ramhrú ar sheanbhrat: dá ndéanfadh, bhainfeadh an paiste rud éigin as - an nua as an sean - agus ba mhiste an stróiceadh é.

22Ná ní chuirfeadh aon duine fíon nua i seanseithí: dá gcuirfeadh, phléascfadh an fíon na seithí, agus bheadh idir fhíon agus sheithí millte. Ach fíon nua i seithí nua!”

Dhá Cheist faoi Dhlí na Sabóide

Mateus 12.1-8; Lucas 6.1-5

[23] Ora, aconteceu atravessar Jesus, em dia de sábado, as searas, e os discípulos, ao passarem, colhiam espigas.

[24] Advertiram-no os fariseus: Vê! Por que fazem o que não é lícito aos sábados?

[25] Mas ele lhes respondeu: Nunca lestes o que fez Davi, quando se viu em necessidade e teve fome, ele e os seus companheiros?

[26] Como entrou na Casa de Deus, no tempo do sumo sacerdote Abiatar, e comeu os pães da proposição, os quais não é lícito comer, senão aos sacerdotes, e deu também aos que estavam com ele?

[27] E acrescentou: O sábado foi estabelecido por causa do homem, e não o homem por causa do sábado;

[28] de sorte que o Filho do Homem é senhor também do sábado.

Marcos 3

O homem da mão ressequida

Mateus 12.9-14; Lucas 6.6-11

[1] De novo, entrou Jesus na sinagoga e estava ali um homem que tinha ressequida uma das mãos.

[2] E estavam observando a Jesus para ver se o curaria em dia de sábado, a fim de o acusarem.

[3] E disse Jesus ao homem da mão ressequida: Vem para o meio!

[4] Então, lhes perguntou: É lícito nos sábados fazer o bem ou fazer o mal? Salvar a vida ou tirá-la? Mas eles ficaram em silêncio.

[23]Ansin, lá sabóide, nuair a bhí sé ag gabháil trí na goirt arbhair, thosaigh a dheisceabail ag stoitheadh na ndias agus iad ag siúl na slí.

[24]Dúirt na Fairisínigh leis: “Féach, cén fáth a bhfuil siad ag déanamh ruda nach dleathach sa tsabóid?”

[25]Dúirt sé leo: “Nár léigh sibh riamh faoin rud a rinne Dáiví nuair a bhí sé i ngá agus ocras air, é féin agus a chompánaigh:

[26]mar a chuaigh sé isteach i dteach Dé, in aimsir Aibiatár an t-ardsagart, agus d'ith builíní na fianaise nach dleathach a ithe ach do na sagairt, agus mar a thug fós dá chompánaigh iad?”

[27]Agus dúirt sé leo: “Rinneadh an tsabóid ar son an duine, ní dhearnadh an duine ar son na sabóide;

[28]sa chaoi go bhfuil Mac an Duine ina mháistir ar an tsabóid féin.”

Marcas 3

[1]Chuaigh sé isteach sa tsionagóg uair eile, agus bhí fear ann a raibh lámh leis seargtha,

[2]agus bhíodar ag faire air féachaint an leigheasfadh sé é lá na sabóide chun go gciontóidís é.

[3]Dúirt sé le fear na láimhe seargtha: “Tar i leith.”

[4]Agus dúirt sé leo: “Cé acu is dleathach a dhéanamh lá sabóide, an mhaith nó an t-olc, beatha a shaoradh nó a mharú?” Ach ní raibh focal astu.

5 Olhando-os ao redor, indignado e condoído com a dureza do seu coração, disse ao homem: Estende a mão. Estendeu-a, e a mão lhe foi restaurada.

6 Retirando-se os fariseus, conspiravam logo com os herodianos, contra ele, em como lhe tirariam a vida.

Jesus se retira. A cura de muitos à beira-mar

7 Retirou-se Jesus com os seus discípulos para os lados do mar. Seguia-o da Galiléia uma grande multidão. Também da Judéia,

8 de Jerusalém, da Iduméia, dalém do Jordão e dos arredores de Tiro e de Sidom uma grande multidão, sabendo quantas coisas Jesus fazia, veio ter com ele.

9 Então, recomendou a seus discípulos que sempre lhe tivessem pronto um barquinho, por causa da multidão, a fim de não o comprimirem.

10 Pois curava a muitos, de modo que todos os que padeciam de qualquer enfermidade se arrojavam a ele para o tocar.

11 Também os espíritos imundos, quando o viam, prostravam-se diante dele e exclamavam: Tu és o Filho de Deus!

12 Mas Jesus lhes advertia severamente que o não expusessem à publicidade.

A escolha dos doze apóstolos. Os seus nomes

Mateus 10.1-4; Lucas 6.12-16

13 Depois, subiu ao monte e chamou os que ele mesmo quis, e vieram para junto dele.

14 Então, designou doze para estarem com ele e para os enviar a pregar

5Agus ar dhearcadh timpeall le fearg orthu uile, agus brón air mar gheall ar dhúire a gcroí, dúirt sé leis an duine: “Sín amach do lámh.” Shín, agus bhí a lámh slán arís.

6Ghabh na Fairisínigh amach, agus rinne siad comhairle láithreach leis na Héaródaigh ina aghaidh conas a mhillfidís é.

Na Sluaite ag Leanúint Íosa

7Chuaigh Íosa i leataobh i dtreo na farraige, é féin agus a dheisceabail, agus lean slua mór ón nGailíl é - ó Iúdáia fós,

8ó Iarúsailéim, ó Idiúmáia, ón taobh thall den Iordáin, agus ó thimpeall na Tuíre agus na Síodóine, tháinig slua mór chuige, nuair a chuala siad a raibh á dhéanamh aige.

9Agus dúirt sé lena dheisceabail bád a bheith ullamh acu dó mar gheall ar an slua le heagla go mbeidís ag brú air.

10Mar bhí sé tar éis mórán daoine a leigheas, sa chaoi, iad seo uile a raibh aicídí orthu, go mbídís ag plódú air chun baint leis.

11Agus nuair a d'fheiceadh na spioraid mhíghlana é, chaithidís iad féin síos roimhe agus screadadh siad amach: “Is tú Mac Dé!”

12Ach d'ordaigh sé go dian dóibh gan é chur in iúl.

An Dáréag á dToghadh

13Chuaigh sé an sliabh suas agus ghlaoigh sé chuige iad seo ab áil leis féin. Tháinig siad chuige,

14agus cheap sé dáréag mar chompánaigh aige féin agus chun go gcuirfeadh sé uaidh iad ag seanmóir,

[15] e a exercer a autoridade de expelir demônios.

[16] Eis os doze que designou: Simão, a quem acrescentou o nome de Pedro;

[17] Tiago, filho de Zebedeu, e João, seu irmão, aos quais deu o nome de Boanerges, que quer dizer: filhos do trovão;

[18] André, Filipe, Bartolomeu, Mateus, Tomé, Tiago, filho de Alfeu, Tadeu, Simão, o Zelote,

[19] e Judas Iscariotes, que foi quem o traiu.

A blasfêmia dos escribas

Mateus 12.22-32; Lucas 11.14-23

[20] Então, ele foi para casa. Não obstante, a multidão afluiu de novo, de tal modo que nem podiam comer.

[21] E, quando os parentes de Jesus ouviram isto, saíram para o prender; porque diziam: Está fora de si.

[22] Os escribas, que haviam descido de Jerusalém, diziam: Ele está possesso de Belzebu. E: É pelo maioral dos demônios que expele os demônios.

[23] Então, convocando-os Jesus, lhes disse, por meio de parábolas: Como pode Satanás expelir a Satanás?

[24] Se um reino estiver dividido contra si mesmo, tal reino não pode subsistir;

[25] se uma casa estiver dividida contra si mesma, tal casa não poderá subsistir.

[26] Se, pois, Satanás se levantou contra si mesmo e está dividido, não pode subsistir, mas perece.

[15]agus údarás acu chun na deamhain a chaitheamh amach.

[16]Cheap sé an dáréag, Síomón ar ar thug sé Peadar mar ainm,

[17]Séamas mac Zeibidé agus Eoin dearthair Shéamais ar thug sé Bóanaeirgis mar ainm orthu, is é sin, clann na toirní,

[18]Aindrias, Pilib, Parthalán, Matha, Tomás, Séamas mac Alfáias, Tadáias, Síomón an Cananáiach,

[19]agus Iúdás Isceiriót an fear a bhraith é.

Diamhasla na Scríobhaithe

[20]Chuaigh sé isteach agus tháinig an slua le chéile arís sa chaoi nár fhéad siad fiú amháin béile a ithe.

[21]Agus nuair a fuair a mhuintir scéala air, ghabh siad amach d'fhonn breith air, mar bhí siad ag rá: “As a mheabhair atá sé.”

[22]Agus na scríobhaithe a bhí tar éis teacht anuas ó Iarúsailéim, deiridís: “Béalzabúl atá ann,” agus “Is trí phrionsa na ndeamhan a chaitheann sé na deamhain amach.”

[23]Ghlaoigh sé chuige iad agus labhair sé i bparabail leo: “Conas a fhéadann Sátan Sátan a chaitheamh amach?

[24]Má bhíonn ríocht ar deighilt ina haghaidh féin, ní fhéadann an ríocht sin seasamh.

[25]Agus má bhíonn teaghlach ar deighilt ina aghaidh féin, ní fhéadfaidh an teaghlach sin seasamh.

[26]Agus má tá Sátan éirithe amach ina aghaidh féin agus é ar deighilt, ní fhéadann sé seasamh.

[27] Ninguém pode entrar na casa do valente para roubar-lhe os bens, sem primeiro amarrá-lo; e só então lhe saqueará a casa.

[28] Em verdade vos digo que tudo será perdoado aos filhos dos homens: os pecados e as blasfêmias que proferirem.

[29] Mas aquele que blasfemar contra o Espírito Santo não tem perdão para sempre, visto que é réu de pecado eterno.

[30] Isto, porque diziam: Está possesso de um espírito imundo.

A família de Jesus

Mateus 12.46-50; Lucas 8.19-21

[31] Nisto, chegaram sua mãe e seus irmãos e, tendo ficado do lado de fora, mandaram chamá-lo.

[32] Muita gente estava assentada ao redor dele e lhe disseram: Olha, tua mãe, teus irmãos e irmãs estão lá fora à tua procura.

[33] Então, ele lhes respondeu, dizendo: Quem é minha mãe e meus irmãos?

[34] E, correndo o olhar pelos que estavam assentados ao redor, disse: Eis minha mãe e meus irmãos.

[35] Portanto, qualquer que fizer a vontade de Deus, esse é meu irmão, irmã e mãe.

Marcos 4

A parábola do semeador

Mateus 13.1-9; Lucas 8.4-8

[1] Voltou Jesus a ensinar à beira-mar. E reuniu-se numerosa multidão a ele, de modo que entrou num barco, onde se

[27]Ach ní fhéadfadh duine ar bith dul isteach i dteach an fhir láidir agus a urra tí a chreachadh gan an fear láidir a chur i ngéibheann ar dtús, agus ansin ní miste dó a theach a chreachadh.

[28]“Deirim libh go fírinneach, maithfear don chine daonna a gcuid peacaí agus cibé diamhaslaí a dhéanfaidh siad,

[29]ach duine ar bith a dhéanfaidh diamhasla in aghaidh an Spioraid Naoimh, ní bheidh maithiúnas le fáil aige go deo, ach tá sé ciontach i bpeaca síoraí,” -

[30]mar go ndúirt siad: “Tá spiorad míghlan ann.”

Máthair Chríost agus a Bhráithre

[31]Ansin tháinig a mháthair agus a bhráithre, agus ina seasamh dóibh amuigh chuir siad scéala chuige ag glaoch air.

[32]Bhí slua ina suí timpeall air, agus dúirt siad leis: “Tá do mháthair agus do bhráithre amuigh do d'iarraidh.”

[33]Dúirt sé leo á bhfreagairt: “Cé hiad mo mháthair agus mo bhráithre?”

[34]Agus ag dearcadh dó ar a raibh ina suí timpeall air, dúirt: “Seo iad mo mháthair agus mo bhráithre!

[35]Óir, duine ar bith a dhéanfaidh toil Dé, sin é mo bhráthair agus mo shiúr agus mo mháthair.”

Marcas 4

Parabal an tSíoladóra

[1]Thosaigh sé ag teagasc cois na farraige uair eile, agus bhailigh slua chomh líonmhar sin chuige go ndeachaigh sé isteach i mbád agus gur shuigh inti ar farraige, agus bhí an slua go léir le hais na farraige ar an talamh.

assentou, afastando-se da praia. E todo o povo estava à beira-mar, na praia.

[2] Assim, lhes ensinava muitas coisas por parábolas, no decorrer do seu doutrinamento.

[3] Ouvi: Eis que saiu o semeador a semear.

[4] E, ao semear, uma parte caiu à beira do caminho, e vieram as aves e a comeram.

[5] Outra caiu em solo rochoso, onde a terra era pouca, e logo nasceu, visto não ser profunda a terra.

[6] Saindo, porém, o sol, a queimou; e, porque não tinha raiz, secou-se.

[7] Outra parte caiu entre os espinhos; e os espinhos cresceram e a sufocaram, e não deu fruto.

[8] Outra, enfim, caiu em boa terra e deu fruto, que vingou e cresceu, produzindo a trinta, a sessenta e a cem por um.

[9] E acrescentou: Quem tem ouvidos para ouvir, ouça.

A explicação da parábola

Mateus 13.10-23; Lucas 8.9-15

[10] Quando Jesus ficou só, os que estavam junto dele com os doze o interrogaram a respeito das parábolas.

[11] Ele lhes respondeu: A vós outros vos é dado conhecer o mistério do reino de Deus; mas, aos de fora, tudo se ensina por meio de parábolas,

[12] para que, vendo, vejam e não percebam; e, ouvindo, ouçam e não entendam; para

[2]Rinne sé mórán nithe a theagasc dóibh i bparabail, agus dúirt sé leo ina chuid teagaisc:

[3]“Éistigí liom! Chuaigh an síoladóir amach ag cur an tsíl.

[4]Agus sa síolchur, thit cuid den ghrán le hais an bhóthair agus tháinig an éanlaith á ithe suas.

[5]Thit cuid eile den ghrán ar an gcreagán, áit nach raibh mórán ithreach ann dó, agus d'eascair sé gan mhoill de bhrí nach raibh an ithir dhomhain aige;

[6]agus nuair d'éirigh an ghrian loisceadh é, agus toisc nach raibh fréamh aige d'fheoigh sé.

[7]Thit cuid eile den ghrán sa deilgneach, agus d'fhás an deilgneach aníos agus phlúch é, agus níor thug sé aon toradh uaidh.

[8]Ach thit gráinní eile ar an talamh maith agus thug toradh uathu ag fás suas agus ag méadú, agus bhí barr air faoi thríocha agus faoi sheasca agus faoi chéad.”

[9]Agus dúirt sé: “An té a bhfuil cluas chun éisteachta air, éisteadh!”

[10]Nuair a bhí sé ina aonar, iad seo a bhíodh ina thimpeall leis an dáréag, d'fhiafraigh siad de i dtaobh na bparabal.

[11]Dúirt sé leo: “Tá rúndiamhair ríocht Dé tugtha daoibhse; ach dóibh seo atá amuigh, is i bparabail a bhíonn an uile ní,

[12]chun go ‘mbreathnóidís go deimhin ach nach bhfeicfidís, agus go gcluinfidís go deimhin ach nach dtuigfidís, d'eagla go n-iompóidís agus go maithfí dóibh.’ ”

que não venham a converter-se, e haja perdão para eles.

[13] Então, lhes perguntou: Não entendeis esta parábola e como compreendereis todas as parábolas?

[14] O semeador semeia a palavra.

[15] São estes os da beira do caminho, onde a palavra é semeada; e, enquanto a ouvem, logo vem Satanás e tira a palavra semeada neles.

[16] Semelhantemente, são estes os semeados em solo rochoso, os quais, ouvindo a palavra, logo a recebem com alegria.

[17] Mas eles não têm raiz em si mesmos, sendo, antes, de pouca duração; em lhes chegando a angústia ou a perseguição por causa da palavra, logo se escandalizam.

[18] Os outros, os semeados entre os espinhos, são os que ouvem a palavra,

[19] mas os cuidados do mundo, a fascinação da riqueza e as demais ambições, concorrendo, sufocam a palavra, ficando ela infrutífera.

[20] Os que foram semeados em boa terra são aqueles que ouvem a palavra e a recebem, frutificando a trinta, a sessenta e a cem por um.

A parábola da candeia

Lucas 8.16-18

[21] Também lhes disse: Vem, porventura, a candeia para ser posta debaixo do alqueire ou da cama? Não vem, antes, para ser colocada no velador?

[13]Agus dúirt sé leo: “An ea nach dtuigeann sibh an parabal seo? Conas a gheobhaidh sibh fios ar na parabail uile?

[14]Síolann an síoladóir an briathar.

[15]Na daoine seo le hais an bhóthair, mar a shíoltar an briathar, is daoine iad agus nuair a chluineann siad, tagann Sátan láithreach agus tógann an briathar a shíoltar iontu.

[16]Mar an gcéanna, is iad na daoine a ghlac an síol ar an gcreagán, iad seo a ghabhann an briathar chucu le háthas láithreach nuair a chluineann siad é,

[17]ach ní bhíonn fréamh acu iontu féin ach iad neamhbhuan agus ansin, nuair a bhíonn trioblóid nó géarleanúint ann mar gheall ar an mbriathar, cliseann orthu láithreach.

[18]Daoine eile iad seo a ghlac an síol sa deilgneach: is iad siúd na daoine a chuala an briathar,

[19]ach go dtagann cúraimí an tsaoil agus mealladh an tsaibhris agus mianta i rudaí eile isteach, go bplúchann siad an briathar agus fágtar gan toradh é.

[20]Agus iad seo a ghlac an síol ar an talamh maith, is iad seo na daoine a chluineann an briathar agus a ghabhann chucu é, agus a thugann toradh uathu faoi thríocha agus faoi sheasca agus faoi chéad.”

Tá an Teagasc le Foilsiú

[21]Dúirt sé leo: “An dtugtar lampa isteach chun go gcuirfí faoi bhéal peice é, nó faoi leaba? Nach ar chrann solais atá sé le cur?

[22] Pois nada está oculto, senão para ser manifesto; e nada se faz escondido, senão para ser revelado.

[23] Se alguém tem ouvidos para ouvir, ouça.

[24] Então, lhes disse: Atentai no que ouvis. Com a medida com que tiverdes medido vos medirão também, e ainda se vos acrescentará.

[25] Pois ao que tem se lhe dará; e, ao que não tem, até o que tem lhe será tirado.

A parábola da semente

[26] Disse ainda: O reino de Deus é assim como se um homem lançasse a semente à terra;

[27] depois, dormisse e se levantasse, de noite e de dia, e a semente germinasse e crescesse, não sabendo ele como.

[28] A terra por si mesma frutifica: primeiro a erva, depois, a espiga, e, por fim, o grão cheio na espiga.

[29] E, quando o fruto já está maduro, logo se lhe mete a foice, porque é chegada a ceifa.

A parábola do grão de mostarda

Mateus 13.31-32; Lucas 13.18-19

[30] Disse mais: A que assemelharemos o reino de Deus? Ou com que parábola o apresentaremos?

[31] É como um grão de mostarda, que, quando semeado, é a menor de todas as sementes sobre a terra;

[32] mas, uma vez semeada, cresce e se torna maior do que todas as hortaliças e deita

[22]Óir níl aon ní faoi cheilt ach chun go mbeadh sé soiléir, ná aon ní ina rún ach chun go dtiocfadh sé chun solais.

[23]Má bhíonn cluasa chun éisteachta ar aon duine éisteadh sé!”

[24]Dúirt sé leo: “Bígí aireach faoina gcluineann sibh. Is de réir an tomhais lena dtomhaiseann sibh a thomhaisfear chugaibh, agus tabharfar tuilleadh daoibhse a chluineann.

[25]Óir an duine a mbíonn ní aige, tabharfar dó, agus an duine a bhíonn gan ní bainfear de fiú amháin a mbíonn aige.”

Parabal an tSíl a Bhorrann uaidh Féin

[26]Agus dúirt: “Is amhlaidh atá ríocht Dé, mar a scaipfeadh duine síol ar an talamh,

[27]agus go gcodlódh sé féin agus go n-éireodh, oíche agus lá, agus go mbeadh an síol ag eascar agus ag fás gan fhios dó.

[28]Tugann an talamh toradh uaidh féin, an geamhar ar dtús, an dias ansin, ansin an gráinne iomlán sa dias.

[29]Nuair a bhíonn an barr aibí, tugann sé an corrán dó gan mhoill de bhrí go mbíonn an fómhar ar fáil.”

An Gráinne Mustaird

[30]Agus dúirt: “Cad leis a gcuirfimid ríocht Dé i gcomparáid, nó cén parabal a luafaimid léi?

[31]Tá sí mar a bheadh gráinne de shíol mustaird, atá ar an ngráinnín síl is lú ar bith de na síolta go léir nuair a bhíonn sé á chur sa talamh,

[32]ach nuair a bhíonn sé curtha, fásann sé suas agus bíonn ar an gceann is mó de na glasraí go léir agus cuireann sé craobhacha móra

grandes ramos, a ponto de as aves do céu poderem aninhar-se à sua sombra.

Por que Jesus falou por parábolas
Mateus 13.34-35

33 E com muitas parábolas semelhantes lhes expunha a palavra, conforme o permitia a capacidade dos ouvintes.

34 E sem parábolas não lhes falava; tudo, porém, explicava em particular aos seus próprios discípulos.

Jesus acalma uma tempestade
Mateus 8.23-27; Lucas 8.22-25

35 Naquele dia, sendo já tarde, disse-lhes Jesus: Passemos para a outra margem.

36 E eles, despedindo a multidão, o levaram assim como estava, no barco; e outros barcos o seguiam.

37 Ora, levantou-se grande temporal de vento, e as ondas se arremessavam contra o barco, de modo que o mesmo já estava a encher-se de água.

38 E Jesus estava na popa, dormindo sobre o travesseiro; eles o despertaram e lhe disseram: Mestre, não te importa que pereçamos?

39 E ele, despertando, repreendeu o vento e disse ao mar: Acalma-te, emudece! O vento se aquietou, e fez-se grande bonança.

40 Então, lhes disse: Por que sois assim tímidos?! Como é que não tendes fé?

41 E eles, possuídos de grande temor, diziam uns aos outros: Quem é este que até o vento e o mar lhe obedecem?

Marcos 5

A cura do endemoninhado geraseno

amach sa chaoi go bhféadann éanlaith an aeir dul ar foscadh faoina scáth.”

33Is trí mhórchuid parabal den sórt sin a bhíodh sé ag labhairt an bhriathair leo, de réir mar a d'fhéad siad éisteacht leis.

34Ní labhraíodh sé leo gan pharabal, ach go míníodh sé gach aon ní dá dheisceabail féin os íseal.

Smacht ag Críost ar na Dúile

35Nuair a bhí an tráthnóna ann an lá sin, dúirt sé leo: “Téimis trasna anonn.”

36Agus ag fágáil an tslua ina ndiaidh, thug siad leo é sa bhád mar a bhí sé, agus bhí báid eile á thionlacan.

37D'éirigh cuaifeach mór gaoithe, agus bhí na farraigí ag bualadh an bháid sa chaoi go raibh sí ag líonadh cheana féin.

38Bhí sé féin i ndeireadh an bháid ina chodladh agus a cheann ar an bpillín, agus mhúscail siad é agus dúirt leis: “A Mháistir, an ea nach cás leat go bhfuil an bás againn?”

39Agus ar dhúiseacht dó, bhagair sé ar an ngaoth agus dúirt leis an bhfarraige: “Éist, bí socair!” Agus thit an ghaoth, agus bhí sé ina théigle mhór. Dúirt sé leo:

40“Cén fáth a bhfuil an eagla seo oraibh? An ea nach bhfuil creideamh agaibh?”

41Bhí uamhan agus eagla orthu agus bhí siad á rá eatarthu féin: “Cé hé an duine seo, más ea, a rá go ndéanann gaoth agus farraige rud air?”

Marcas 5

An Deamhnaíoch Geiriséanach

Mateus 8.28-33; Lucas 8.26-34

[1] Entrementes, chegaram à outra margem do mar, à terra dos gerasenos.

[2] Ao desembarcar, logo veio dos sepulcros, ao seu encontro, um homem possesso de espírito imundo,

[3] o qual vivia nos sepulcros, e nem mesmo com cadeias alguém podia prendê-lo;

[4] porque, tendo sido muitas vezes preso com grilhões e cadeias, as cadeias foram quebradas por ele, e os grilhões, despedaçados. E ninguém podia subjugá-lo.

[5] Andava sempre, de noite e de dia, clamando por entre os sepulcros e pelos montes, ferindo-se com pedras.

[6] Quando, de longe, viu Jesus, correu e o adorou,

[7] exclamando com alta voz: Que tenho eu contigo, Jesus, Filho do Deus Altíssimo? Conjuro-te por Deus que não me atormentes!

[8] Porque Jesus lhe dissera: Espírito imundo, sai desse homem!

[9] E perguntou-lhe: Qual é o teu nome? Respondeu ele: Legião é o meu nome, porque somos muitos.

[10] E rogou-lhe encarecidamente que os não mandasse para fora do país.

[11] Ora, pastava ali pelo monte uma grande manada de porcos.

[12] E os espíritos imundos rogaram a Jesus, dizendo: Manda-nos para os porcos, para que entremos neles.

[1]Tháinig siad go dtí an taobh eile den fharraige, go dtí tír na nGeiriséanach,

[2]agus ar theacht amach as an mbád dó, tháinig faoina dhéin as na tuamaí duine a raibh spiorad míghlan ann

[3]a bhíodh ina chónaí sna tuamaí; agus ní fhéadfadh aon duine é cheangal feasta, le slabhra féin;

[4]óir is minic roimhe sin a cheanglaítí le geimhle agus le slabhraí é, ach shracadh sé na slabhraí as a chéile, agus bhriseadh sé na geimhle, agus níorbh fhéidir le haon duine é smachtú.

[5]Agus bhíodh sé de ghnáth de lá agus d'oíche sna tuamaí agus ar na sléibhte, é ag screadach agus á ghreadadh féin le clocha.

[6]Nuair a chonaic sé Íosa i bhfad uaidh, rith agus d'umhlaigh dó,

[7]agus ag screadach de ghlór ard dúirt: “Cad ab áil leat díom, a Íosa, a Mhic Dé ró-aird? Cuirim ort, as ucht Dé, gan mé a chrá,”

[8]óir bhí sé á rá leis: “Gabh amach as an duine, a spioraid mhíghlain.”

[9]Agus d'fhiafraigh de: “Cad is ainm duit?” Dúirt sé leis: “Léigiún is ainm dom, óir tá mórán againn ann.”

[10]Agus bhí sé ag achainí air go crua gan iad a chur as an tír.

[11]Bhí, ansiúd ar an sliabh, tréad mór muc ar féarach,

[12]agus rinne siad achainí air: “Cuir ag triall ar na muca sinn, go dtéimis isteach iontu.”

[13] Jesus o permitiu. Então, saindo os espíritos imundos, entraram nos porcos; e a manada, que era cerca de dois mil, precipitou-se despenhadeiro abaixo, para dentro do mar, onde se afogaram.

[14] Os porqueiros fugiram e o anunciaram na cidade e pelos campos.

Os gerasenos rejeitam a Jesus

Mateus 8.34; Lucas 8.35-39

Então, saiu o povo para ver o que sucedera.

[15] Indo ter com Jesus, viram o endemoninhado, o que tivera a legião, assentado, vestido, em perfeito juízo; e temeram.

[16] Os que haviam presenciado os fatos contaram-lhes o que acontecera ao endemoninhado e acerca dos porcos.

[17] E entraram a rogar-lhe que se retirasse da terra deles.

[18] Ao entrar Jesus no barco, suplicava-lhe o que fora endemoninhado que o deixasse estar com ele.

[19] Jesus, porém, não lho permitiu, mas ordenou-lhe: Vai para tua casa, para os teus. Anuncia-lhes tudo o que o SENHOR te fez e como teve compaixão de ti.

[20] Então, ele foi e começou a proclamar em Decápolis tudo o que Jesus lhe fizera; e todos se admiravam.

O pedido de Jairo

Mateus 9.18-19; Lucas 8.40-42

[21] Tendo Jesus voltado no barco, para o outro lado, afluiu para ele grande multidão; e ele estava junto do mar.

[13]Thug sé an cead dóibh. Tháinig na spioraid mhíghlana amach agus chuaigh siad isteach sna muca; agus chuaigh an tréad ina ruathar le fána, timpeall dhá mhíle díobh, isteach san fharraige agus bádh san fharraige iad.

[14]Theith na mucaithe a bhí ina bhfeighil, agus d'inis siad an scéal sa chathair agus sna feirmeacha. Tháinig na daoine amach go bhfeicfidís cad é an rud é seo a tharla.

[15]Agus tháinig siad ag triall ar Íosa agus chonaic siad an deamhnaíoch ina shuí agus a chuid éadaigh air, ina cheartmheabhair, an duine céanna a mbíodh an léigiún ann; agus bhí uamhan orthu.

[16]D'inis an lucht féachana dóibh cad a tharla don deamhnaíoch, agus mar gheall ar na muca.

[17]Agus thosaigh siad ag achainí ar Íosa imeacht óna gceantar.

[18]Ag dul ar bord an bháid dó, rinne an fear a mbíodh an deamhan ann achainí air bheith ina chuideachta,

[19]ach ní ligfeadh sé dó ach dúirt leis: “Imigh leat abhaile chun do mhuintire féin agus inis dóibh a bhfuil déanta ag an Tiarna duit agus mar a rinne sé trócaire ort.”

[20]Agus d'imigh sé leis agus thosaigh ag fógairt i nDeacapoil a raibh déanta ag Íosa dó, agus bhí ionadh ar chách.

Iníon Iáras: Leigheas na Mná sa Slua

[21]Ar theacht trasna do Íosa sa bhád go dtí an taobh eile, bhailigh slua mór ina thimpeall, agus bhí sé le hais na farraige.

[22] Eis que se chegou a ele um dos principais da sinagoga, chamado Jairo, e, vendo-o, prostrou-se a seus pés

[22]Tháinig duine de chinn urra na sionagóige, arbh ainm dó Iáras, agus ar a fheiceáil dó, chaith sé é féin ag a chosa

[23] e insistentemente lhe suplicou: Minha filhinha está à morte; vem, impõe as mãos sobre ela, para que seja salva, e viverá.

[23]agus rinne achainí go crua air ag rá: “Tá m'iníon bheag ar phointe an bháis. Tar agus cuir do lámha uirthi chun go mbeadh sí slán agus go mairfeadh.”

[24] Jesus foi com ele.

A cura de uma mulher enferma

Mateus 9.20-22; Lucas 8.43-48

Grande multidão o seguia, comprimindo-o.

[24]D'imigh sé lena chois agus bhí slua mór á leanúint agus bhí siad ag plódú air.

[25] Aconteceu que certa mulher, que, havia doze anos, vinha sofrendo de uma hemorragia

[25]Agus bean a raibh rith fola uirthi ar feadh dhá bhliain déag,

[26] e muito padecera à mão de vários médicos, tendo despendido tudo quanto possuía, sem, contudo, nada aproveitar, antes, pelo contrário, indo a pior,

[26]agus a bhí tar éis mórán a fhulaingt óna lán lianna agus a raibh aici a chaitheamh, agus nárbh fhearrde í é, ach gur mhó a bhí sí ag dul in olcas,

[27] tendo ouvido a fama de Jesus, vindo por trás dele, por entre a multidão, tocou-lhe a veste.

[27]nuair a chuala sí scéala mar gheall ar Íosa, tháinig sí taobh thiar de sa slua agus bhain sí lena bhrat;

[28] Porque, dizia: Se eu apenas lhe tocar as vestes, ficarei curada.

[28]mar dúirt sí: “Má bhainim lena chuid éadaigh fiú amháin, beidh mé slán.”

[29] E logo se lhe estancou a hemorragia, e sentiu no corpo estar curada do seu flagelo.

[29]Agus stad an doirteadh fola aici láithreach, agus mhothaigh sí ina corp go raibh sí leigheasta óna gearán.

[30] Jesus, reconhecendo imediatamente que dele saíra poder, virando-se no meio da multidão, perguntou: Quem me tocou nas vestes?

[30]Ach d'airigh Íosa ann féin go ndeachaigh brí amach uaidh, chas sé timpeall láithreach sa slua agus dúirt: “Cé bhain le mo chuid eádaigh?”

[31] Responderam-lhe seus discípulos: Vês que a multidão te aperta e dizes: Quem me tocou?

[31]Dúirt a dheisceabail leis: “Feiceann tú an slua ag plódú ort, agus deir tú ‘Cé bhain liom? ’ ”

[32] Ele, porém, olhava ao redor para ver quem fizera isto.

[32]Agus dhearc sé ina thimpeall féachaint cé rinne é.

[33] Então, a mulher, atemorizada e tremendo, cônscia do que nela se operara, veio, prostrou-se diante dele e declarou-lhe toda a verdade.

[34] E ele lhe disse: Filha, a tua fé te salvou; vai-te em paz e fica livre do teu mal.

A ressurreição da filha de Jairo
Mateus 9.23-26; Lucas 8.49-56

[35] Falava ele ainda, quando chegaram alguns da casa do chefe da sinagoga, a quem disseram: Tua filha já morreu; por que ainda incomodas o Mestre?

[36] Mas Jesus, sem acudir a tais palavras, disse ao chefe da sinagoga: Não temas, crê somente.

[37] Contudo, não permitiu que alguém o acompanhasse, senão Pedro e os irmãos Tiago e João.

[38] Chegando à casa do chefe da sinagoga, viu Jesus o alvoroço, os que choravam e os que pranteavam muito.

[39] Ao entrar, lhes disse: Por que estais em alvoroço e chorais? A criança não está morta, mas dorme.

[40] E riam-se dele. Tendo ele, porém, mandado sair a todos, tomou o pai e a mãe da criança e os que vieram com ele e entrou onde ela estava.

[41] Tomando-a pela mão, disse: Talitá cumi!, que quer dizer: Menina, eu te mando, levanta-te!

[42] Imediatamente, a menina se levantou e pôs-se a andar; pois tinha doze anos. Então, ficaram todos sobremaneira admirados.

[33]Ach ó thuig an bhean cad a bhí déanta inti, tháinig sí go critheaglach agus chaith í féin síos roimhe agus d'inis an fhírinne go léir dó.

[34]Dúirt sé léi: “A iníon, do chreideamh a shlánaigh thú. Imigh leat faoi shíocháin, agus bí slán ó do ghearán.”

[35]Le linn dó bheith ag caint tháinig daoine ó theach cheann urra na sionagóige ag rá: “Tá d'iníon tar éis bháis; cén fáth a mbeifeá ag cur as don Mháistir níos mó?”

[36]Ba chlos d'Íosa an comhrá agus dúirt le ceann urra na sionagóige: “Ná bíodh eagla ort; ach amháin creid.”

[37]Agus ní ligfeadh sé do dhuine ar bith dul leis ach Peadar agus Séamas agus Eoin deartháir Shéamais.

[38]Ar theacht dóibh go dtí teach cheann urra na sionagóige, chonaic sé an callán agus na daoine ag gol agus ag olagón go hard.

[39]Agus ar dhul isteach dó dúirt sé leo: “Cén fáth a bhfuil sibh ag déanamh calláin agus ag gol? Ní marbh atá an leanbh ach ina codladh.”

[40]Agus bhí siad ag fonóid faoi. Ach chuir sé amach iad uile, agus rug sé leis athair agus máthair an linbh agus iad seo a bhí leis, agus chuaigh isteach mar a raibh an leanbh ina luí.

[41]Agus rug sé greim láimhe uirthi agus dúirt léi: “Talitá cúm” - focal a chiallaíonn: “A chailín bhig, deirim leat, éirigh!”

[42]D'éirigh an cailín agus shiúil sí thart, mar bhí sí dhá bhliain déag. Agus bhí ionadh agus alltacht orthu.

[43] Mas Jesus ordenou-lhes expressamente que ninguém o soubesse; e mandou que dessem de comer à menina.

Marcos 6

Jesus prega em Nazaré. É rejeitado pelos seus
Mateus 13.53-58; Lucas 4.16-30

[1] Tendo Jesus partido dali, foi para a sua terra, e os seus discípulos o acompanharam.

[2] Chegando o sábado, passou a ensinar na sinagoga; e muitos, ouvindo-o, se maravilhavam, dizendo: Donde vêm a este estas coisas? Que sabedoria é esta que lhe foi dada? E como se fazem tais maravilhas por suas mãos?

[3] Não é este o carpinteiro, filho de Maria, irmão de Tiago, José, Judas e Simão? E não vivem aqui entre nós suas irmãs? E escandalizavam-se nele.

[4] Jesus, porém, lhes disse: Não há profeta sem honra, senão na sua terra, entre os seus parentes e na sua casa.

[5] Não pôde fazer ali nenhum milagre, senão curar uns poucos enfermos, impondo-lhes as mãos.

[6] Admirou-se da incredulidade deles. Contudo, percorria as aldeias circunvizinhas, a ensinar.

As instruções para os doze
Mateus 10.5-15; Lucas 9.1-6

[7] Chamou Jesus os doze e passou a enviá-los de dois a dois, dando-lhes autoridade sobre os espíritos imundos.

[43]Ach chuir sé mar acht orthu go crua gan a fhios seo a bheith ag aon duine, agus dúirt rud le hithe a thabhairt di.

Marcas 6

Íosa ina Dhúiche Féin

[1]D'imigh sé as an áit sin agus tháinig sé ina dhúiche féin, agus lean a chuid deisceabal é.

[2]Agus ar an tsabóid thosaigh sé ag teagasc sa tsionagóg, agus ghabh iontas mórán dár chuala é; agus deiridís: “Cá bhfuair sé seo an méid sin? Agus cén eagna í seo a tugadh dó agus na míorúiltí móra seo a dhéantar trína lámha?

[3]Nach é seo an saor adhmaid, mac Mhuire agus bráthair Shéamais agus Iósaef agus Iúdáis agus Shíomóin? Agus nach bhfuil a shiúracha anseo inár measc?” Agus ghlac siad scannal ann.

[4]Ach dúirt Íosa leo: “Ní bhíonn fáidh faoi neamhchion ach amháin ina dhúiche féin agus i measc a ghaolta féin agus ina theaghlach féin.”

[5]Agus ní fhéadfadh sé míorúilt ar bith a dhéanamh ansiúd ach amháin a lámha a chur ar bheagán othar agus iad a leigheas,

[6]agus rinne sé ionadh dá ndíchreideamh. Agus ghabh Íosa timpeall ar fud na mbailte ag teagasc.

Misean na nAspal

[7]Ghlaoigh sé an dáréag chuige agus thosaigh á gcur amach ina mbeirt agus ina mbeirt, agus thug údarás dóibh ar na spioraid mhíghlana.

[8] Ordenou-lhes que nada levassem para o caminho, exceto um bordão; nem pão, nem alforje, nem dinheiro;

[9] que fossem calçados de sandálias e não usassem duas túnicas.

[10] E recomendou-lhes: Quando entrardes nalguma casa, permanecei aí até vos retirardes do lugar.

[11] Se nalgum lugar não vos receberem nem vos ouvirem, ao sairdes dali, sacudi o pó dos pés, em testemunho contra eles.

[12] Então, saindo eles, pregavam ao povo que se arrependesse;

[13] expeliam muitos demônios e curavam numerosos enfermos, ungindo-os com óleo.

A morte de João Batista

Mateus 14.1-12; Lucas 9.7-9

[14] Chegou isto aos ouvidos do rei Herodes, porque o nome de Jesus já se tornara notório; e alguns diziam: João Batista ressuscitou dentre os mortos, e, por isso, nele operam forças miraculosas.

[15] Outros diziam: É Elias; ainda outros: É profeta como um dos profetas.

[16] Herodes, porém, ouvindo isto, disse: É João, a quem eu mandei decapitar, que ressurgiu.

[17] Porque o mesmo Herodes, por causa de Herodias, mulher de seu irmão Filipe (porquanto Herodes se casara com ela), mandara prender a João e atá-lo no cárcere.

[18] Pois João lhe dizia: Não te é lícito possuir a mulher de teu irmão.

[8]D'ordaigh sé dóibh gan aon ní a bhreith leo i gcomhair an bhóthair ach amháin bata - arán ná tiachóg ná airgead sa chrios;

[9]ach cuaráin a chur orthu, “agus ná cuirigí dhá ionar oraibh”.

[10]Agus dúirt sé leo: “Cibé áit a dtéann sibh isteach i dteach, cuirigí fúibh ann nó go mbeidh sibh ag fágáil na háite.

[11]Agus áit ar bith nach nglacfaidh libh agus nach áil leo éisteacht libh, gabhaigí amach as sin agus croithigí an deannach atá faoi bhur gcosa mar fhianaise ina n-aghaidh.”

[12]Agus ar dhul amach dóibh d'fhógair siad aithrí a dhéanamh

[13]agus chaith siad amach mórán deamhan agus rinne siad mórán othar a ungadh le hola agus leigheas siad iad.

Bás Eoin Baiste

[14]Chuala Héaród rí mar gheall air, mar bhí a ainm in airde, agus dúirt: “Tá Eoin Baiste éirithe ó mhairbh, agus sin é an fáth a bhfuil na míorúiltí á n-oibriú tríd.”

[15]Dúirt daoine eile: “Éilias atá ann.” Dúirt daoine eile: “Is fáidh é, ina dhuine de na fáithe.”

[16]Ach nuair a chuala Héaród mar gheall air, dúirt: “Eoin úd, ar bhain mé an ceann de, is é atá éirithe.”

[17]Óir is amhlaidh a chuir Héaród ordú amach Eoin a ghabháil agus a chur i ngéibheann i bpríosún mar gheall ar Héaróidias, bean Philib a dhearthháir, mar bhí sé tar éis í a phosadh.

[18]Óir dúirt Eoin le Héaród: “Ní ceadmhach duit bean do dhearthár a bheith agat.”

[19] E Herodias o odiava, querendo matá-lo, e não podia.

[20] Porque Herodes temia a João, sabendo que era homem justo e santo, e o tinha em segurança. E, quando o ouvia, ficava perplexo, escutando-o de boa mente.

[21] E, chegando um dia favorável, em que Herodes no seu aniversário natalício dera um banquete aos seus dignitários, aos oficiais militares e aos principais da Galiléia,

[22] entrou a filha de Herodias e, dançando, agradou a Herodes e aos seus convivas. Então, disse o rei à jovem: Pede-me o que quiseres, e eu to darei.

[23] E jurou-lhe: Se pedires mesmo que seja a metade do meu reino, eu ta darei.

[24] Saindo ela, perguntou a sua mãe: Que pedirei? Esta respondeu: A cabeça de João Batista.

[25] No mesmo instante, voltando apressadamente para junto do rei, disse: Quero que, sem demora, me dês num prato a cabeça de João Batista.

[26] Entristeceu-se profundamente o rei; mas, por causa do juramento e dos que estavam com ele à mesa, não lha quis negar.

[27] E, enviando logo o executor, mandou que lhe trouxessem a cabeça de João. Ele foi, e o decapitou no cárcere,

[19]Bhí olc ag Héaróidias chuige agus b'áil léi é mharú ach ní fhéadfadh,

[20]óir bhí eagla ar Héaród roimh Eoin, ó bhí a fhios aige gur dhuine cóir naofa é, agus choinnigh sé slán é, agus nuair a chuala sé a chomhrá, bhí sé go mór trí chéile ach thug sé cluas dó go fonnmhar.

[21]Agus tháinig uair na faille nuair a thug Héaród fleá, i gcuimhne lae a bhreithe, do lucht a chúirte agus d'oifigigh agus do chinn phobail na Gailíle;

[22]agus tháinig iníon Héaróidias isteach agus rinne sí rince, agus thaitin sé le Héaród agus leo seo a bhí ag bord leis. Dúirt an rí leis an gcailín: “Iarr orm cibé ní is mian leat agus tabharfaidh mé duit é.”

[23]Agus thug sé a mhionn di: “Cibé ní a iarrfaidh tú orm tabharfaidh mé duit é, go dtí leath mo ríochta.”

[24]Ghabh sise amach agus dúirt sí lena máthair: “Cad a iarrfaidh mé?” Dúirt sí siúd: “Ceann Eoin Baiste.”

[25]Tháinig sí isteach faoi dheifir láithreach go dtí an rí agus d'iarr air ag rá: “Is mian liom go dtabharfá dom ar mhias gan mhoill ceann Eoin Baiste.”

[26]Tháinig buaireamh mór ar an rí, ach mar gheall ar a chuid mionn agus ar na daoine a bhí ag bord, níorbh áil leis dul siar ar a fhocal léi,

[27]agus chuir an rí duine den gharda amach láithreach agus d'ordaigh a cheann a thabhairt isteach. D'imigh seisean agus dhícheannaigh sé sa phríosún é,

[28] e, trazendo a cabeça num prato, a entregou à jovem, e esta, por sua vez, a sua mãe.

[29] Os discípulos de João, logo que souberam disto, vieram, levaram-lhe o corpo e o depositaram no túmulo.

A primeira multiplicação de pães e peixes
Mateus 14.13-21; Lucas 9.10-17; João 6.1-14

[30] Voltaram os apóstolos à presença de Jesus e lhe relataram tudo quanto haviam feito e ensinado.

[31] E ele lhes disse: Vinde repousar um pouco, à parte, num lugar deserto; porque eles não tinham tempo nem para comer, visto serem numerosos os que iam e vinham.

[32] Então, foram sós no barco para um lugar solitário.

[33] Muitos, porém, os viram partir e, reconhecendo-os, correram para lá, a pé, de todas as cidades, e chegaram antes deles.

[34] Ao desembarcar, viu Jesus uma grande multidão e compadeceu-se deles, porque eram como ovelhas que não têm pastor. E passou a ensinar-lhes muitas coisas.

[35] Em declinando a tarde, vieram os discípulos a Jesus e lhe disseram: É deserto este lugar, e já avançada a hora;

[36] despede-os para que, passando pelos campos ao redor e pelas aldeias, comprem para si o que comer.

[37] Porém ele lhes respondeu: Dai-lhes vós mesmos de comer. Disseram-lhe: Iremos comprar duzentos denários de pão para lhes dar de comer?

[28]agus thug sé a cheann isteach ar mhias agus thug don chailín é agus thug an cailín dá máthair é.

[29]Ar a chloisteáil sin dá dheisceabail, tháinig siad agus thóg a chorp agus chuir i dtuama é.

Céad Mhíorúilt na mBuilíní agus na nIasc

[30]Tháinig na haspail le chéile timpeall ar Íosa agus d'inis siad dó a raibh déanta acu agus a raibh de theagasc tugtha acu.

[31]Dúirt sé leo: "Tagaigí sibhse go dtí áit uaigneach ar leithligh agus glacaigí bhur suaimhneas tamall" - óir bhí mórán daoine ag teacht agus ag imeacht agus ní raibh am chun bia féin acu.

[32]D'imigh siad leo i mbád go dtí áit uaigneach ar leithligh.

[33]Agus chonaic mórán ag imeacht iad agus d'aithin siad iad, agus rith siad ann dá gcois as na cathracha uile agus bhain siad an áit amach rompu.

[34]Ag teacht i dtír dó chonaic sé slua mór, agus ghlac sé trua dóibh mar go raibh siad mar a bheadh caoirigh gan aoire, agus thosaigh sé ag muineadh mórán nithe dóibh.

[35]Nuair a bhí an lá ag dul i ndéanaí, tháinig a dheisceabail chuige agus dúirt siad: "Áit uaigneach é seo, agus tá sé déanach feasta.

[36]Scaoil uait iad go rachaidís isteach sna feirmeacha agus sna bailte mórthimpeall ag ceannach rud éigin le hithe dóibh féin."

[37]Dúirt sé leo á bhfreagairt: "Tugaigí sibhse rud le hithe dóibh." Dúirt siad leis: "An ea go rachaimid ag ceannach luach dhá chéad déanar d'arán agus é a thabhairt dóibh le hithe?"

[38] E ele lhes disse: Quantos pães tendes? Ide ver! E, sabendo-o eles, responderam: Cinco pães e dois peixes.

[38]Dúirt sé leo: "Cé mhéad builín atá agaibh? Imígí agus faighigí amach." Ar fháil amach dóibh dúirt siad: "Tá cúig cinn, agus dhá iasc."

[39] Então, Jesus lhes ordenou que todos se assentassem, em grupos, sobre a relva verde.

[39]Agus d'ordaigh sé dóibh uile luí fúthu ina mbuíonta ar an bhféar glas,

[40] E o fizeram, repartindo-se em grupos de cem em cem e de cinqüenta em cinqüenta.

[40]agus lig siad fúthu ina ngasraí, ina gcéadta agus ina gcaogaidí.

[41] Tomando ele os cinco pães e os dois peixes, erguendo os olhos ao céu, os abençoou; e, partindo os pães, deu-os aos discípulos para que os distribuíssem; e por todos repartiu também os dois peixes.

[41]Thóg sé na cúig builíní agus an dá iasc, agus, ar dhearcadh suas chun na bhflaitheas dó, bheannaigh sé agus bhris na builíní agus thug do na deisceabail iad chun go gcuirfidís os a gcomhair iad, agus roinn sé an dá iasc ar chách.

[42] Todos comeram e se fartaram;

[42]D'ith siad uile agus bhí siad sách.

[43] e ainda recolheram doze cestos cheios de pedaços de pão e de peixe.

[43]Agus thóg siad lán dhá chiseán déag de bhruscar agus den iasc.

[44] Os que comeram dos pães eram cinco mil homens.

[44]Cúig mhíle fear an líon a d'ith na builíní.

Jesus anda por sobre o mar

Mateus 14.22-33; João 6.16-21

Íosa ag Siúl ar an bhFarraige

[45] Logo a seguir, compeliu Jesus os seus discípulos a embarcar e passar adiante para o outro lado, a Betsaida, enquanto ele despedia a multidão.

[45]Ansin chuir sé d'fhiacha ar a dheisceabail dul ar bord agus imeacht roimhe go dtí an taobh thall, go dtí Béatsáide, fad a bheadh sé féin ag scaoileadh an tslua uaidh.

[46] E, tendo-os despedido, subiu ao monte para orar.

[46]Tar éis dó iad a chur chun siúil, d'imigh sé faoin sliabh chun guí.

[47] Ao cair da tarde, estava o barco no meio do mar, e ele, sozinho em terra.

[47]Agus nuair a bhí sé déanach, bhí an bád amuigh ar an bhfarraige agus eisean ina aonar ar tír.

[48] E, vendo-os em dificuldade a remar, porque o vento lhes era contrário, por volta da quarta vigília da noite, veio ter com eles, andando por sobre o mar; e queria tomar-lhes a dianteira.

[48]Ar a fheiceáil dó go raibh siad ar saothar ag na maidí rámha, mar bhí an ghaoth ina gcoinne, tháinig sé chucu, timpeall an ceathrú faire den oíche, agus é ag siúl ar an bhfarraige, agus bhí sé ar tí dul tharstu.

[49] Eles, porém, vendo-o andar sobre o mar, pensaram tratar-se de um fantasma e gritaram.

[50] Pois todos ficaram aterrados à vista dele. Mas logo lhes falou e disse: Tende bom ânimo! Sou eu. Não temais!

[51] E subiu para o barco para estar com eles, e o vento cessou. Ficaram entre si atônitos,

[52] porque não haviam compreendido o milagre dos pães; antes, o seu coração estava endurecido.

Jesus em Genesaré
Mateus 14.34-36

[53] Estando já no outro lado, chegaram a terra, em Genesaré, onde aportaram.

[54] Saindo eles do barco, logo o povo reconheceu Jesus;

[55] e, percorrendo toda aquela região, traziam em leitos os enfermos, para onde ouviam que ele estava.

[56] Onde quer que ele entrasse nas aldeias, cidades ou campos, punham os enfermos nas praças, rogando-lhe que os deixasse tocar ao menos na orla da sua veste; e quantos a tocavam saíam curados.

Marcos 7

Jesus e a tradição dos anciãos. O que contamina o homem
Mateus 15.1-20

[1] Ora, reuniram-se a Jesus os fariseus e alguns escribas, vindos de Jerusalém.

[2] E, vendo que alguns dos discípulos dele comiam pão com as mãos impuras, isto é, por lavar

[49]Shíl siad gur taibhse a bhí ann agus scread siad amach,

[50]mar chonaic siad uile é agus bhíodar buartha. Ach labhair sé leo láithreach agus dúirt leo: “Bíodh misneach agaibh! mise atá ann, ná bíodh eagla oraibh.”

[51]Tháinig sé isteach sa bhád chucu agus thit an ghaoth.

[52]Agus tháinig alltacht thar na bearta orthu, mar níor thuig siad mar gheall ar na builíní, ach bhí a gcroí go dúr.

Íosa i nGeinéasaireit

[53]Ar dhul trasna dóibh, bhuail siad talamh ag Geinéasaireit agus tháinig chun leaba ancaire.

[54]Agus ar theacht as an mbád dóibh, d'aithin na daoine é agus rith siad ar fud an cheantair sin ar fad,

[55]agus thosaigh siad ag breith na ndaoine a bhí tinn ar a gcuid sráideog chun na háite ar chuala siad é bheith.

[56]Agus cibé áit a dtéadh sé; sna bailte, sna cathracha, sna feirmeacha, chuiridís lucht tinnis ina luí sna háiteanna poiblí agus dhéanaidís achainí air go mbainfidís le scothóg a bhrait fiú amháin, agus a mbaineadh, shlánaítí iad.

Marcas 7

Traidisiún na nGiúdach agus an Dlí

[1]Na Fairisínigh agus cuid de na scríobhaithe a bhí tar éis teacht ó Iarúsailéim, chruinnigh siad le chéile chuige,

[2]agus nuair a chonaic siad go raibh cuid dá dheisceabail ag caitheamh a gcoda le lámha

neamhghlana, is é sin, le lámha nach raibh nite -

[3] (pois os fariseus e todos os judeus, observando a tradição dos anciãos, não comem sem lavar cuidadosamente as mãos;

[3]óir, na Fairisínigh agus na Giúdaigh uile, ní chaitheann siad a gcuid gan a lámha a ní, ag coinneáil traidisiún na sinsear;

[4] quando voltam da praça, não comem sem se aspergirem; e há muitas outras coisas que receberam para observar, como a lavagem de copos, jarros e vasos de metal [e camas]),

[4]agus an rud a thagann ón margadh, ní itheann siad gan uisce a chroitheadh air, agus tá mórán nithe eile a choinníonn siad ó shinsearacht, cupaí a ní agus corcáin agus soithí práis -

[5] interpelaram-no os fariseus e os escribas: Por que não andam os teus discípulos de conformidade com a tradição dos anciãos, mas comem com as mãos por lavar?

[5]d'fhiafraigh na Fairisínigh agus na scríobhaithe de: “Cén fáth nach siúlann do dheisceabail de réir thraidisiún na sinsear ach a gcuid bia a chaitheamh le lámha neamhghlana?”

[6] Respondeu-lhes: Bem profetizou Isaías a respeito de vós, hipócritas, como está escrito: Este povo honra-me com os lábios, mas o seu coração está longe de mim.

[6]Dúirt sé leo: “Is breá an tairngreacht a rinne Íseáia mar gheall oraibhse, bréagchráifigh, mar atá scríofa: ‘Tugann an pobal seo onóir dom ó bheola ach is fada uaim atá a gcroí;

[7] E em vão me adoram, ensinando doutrinas que são preceitos de homens.

[7]is díomhaoin dóibh bheith do m'adhradh óir níl sa teagasc a mhúineann siad ach aitheanta daonna.’

[8] Negligenciando o mandamento de Deus, guardais a tradição dos homens.

[8]“Fágann sibh aithne Dé agus coinníonn sibh traidisiún na ndaoine, níochán corcán agus cupaí, agus déanann sibh mórán nithe eile den sórt sin.”

[9] E disse-lhes ainda: Jeitosamente rejeitais o preceito de Deus para guardardes a vossa própria tradição.

[9]Agus dúirt sé leo: “Is breá mar a chuireann sibh aithne Dé ar gcúl chun go gcoimeádfadh sibh bhur dtraidisiún.

[10] Pois Moisés disse: Honra a teu pai e a tua mãe; e: Quem maldisser a seu pai ou a sua mãe seja punido de morte.

[10]Óir dúirt Maois: ‘Tabhair onóir do d'athair agus do do mháthair’; agus: ‘An té a labhraíonn go haithiseach lena athair nó lena mháthair, bíodh ciorrú an bháis air.’

[11] Vós, porém, dizeis: Se um homem disser a seu pai ou a sua mãe: Aquilo que

[11]Ach is é a deir sibhse: Má deir duine lena athair nó lena mháthair: ‘Ní ar bith de mo

poderias aproveitar de mim é Corbã, isto é, oferta para o SENHOR,

[12] então, o dispensais de fazer qualquer coisa em favor de seu pai ou de sua mãe,

[13] invalidando a palavra de Deus pela vossa própria tradição, que vós mesmos transmitistes; e fazeis muitas outras coisas semelhantes.

[14] Convocando ele, de novo, a multidão, disse-lhes: Ouvi-me, todos, e entendei.

[15] Nada há fora do homem que, entrando nele, o possa contaminar; mas o que sai do homem é o que o contamina.

[16] [Se alguém tem ouvidos para ouvir, ouça.]

[17] Quando entrou em casa, deixando a multidão, os seus discípulos o interrogaram acerca da parábola.

[18] Então, lhes disse: Assim vós também não entendeis? Não compreendeis que tudo o que de fora entra no homem não o pode contaminar,

[19] porque não lhe entra no coração, mas no ventre, e sai para lugar escuso? E, assim, considerou ele puros todos os alimentos.

[20] E dizia: O que sai do homem, isso é o que o contamina.

[21] Porque de dentro, do coração dos homens, é que procedem os maus desígnios, a prostituição, os furtos, os homicídios, os adultérios,

chuidse a d'fhéadfadh dul chun sochair duitse, is Corbán, is é sin, is tabhartas don Tiarna é',

[12]ní ligeann sibh dó feasta rud ar bith a dhéanamh dá athair nó dá mháthair,

[13]ag cur briathar Dé ar neamhní tríd an traidisiún seo agaibh a fhágann sibh ag bhur sliocht. Agus déanann sibh mórán nithe den sórt sin."

Fíorghlaine agus Glaine Bhréige

[14]Ghlaoigh sé an slua chuige arís agus dúirt sé leo: "Éistigí sibh uile liom agus bainigí meabhair as an méid seo.

[15]Níl aon ní lasmuigh den duine a d'fhéadfadh, trí dhul isteach ann, é dhéanamh neamhghlan, ach is iad na nithe a thagann amach as an duine a dhéanann an duine neamhghlan.

[16]Má bhíonn cluasa chun éisteachta ar aon duine, éisteadh!"

[17]Agus ar dhul isteach sa teach dó, i leataobh ón slua, d'fhiafraigh a dheisceabail de faoin bparabal.

[18]Dúirt sé leo: "Nach bhfuil tuiscint agaibhse ach oiread? An ea nach dtuigeann sibh, rud ar bith a rachadh isteach sa duine ón taobh amuigh, nach bhféadfadh sé é dhéanamh neamhghlan,

[19]de bhrí nach ina chroí a théann sé ach ina ghoile agus go ngabhann sa leithreas?" (Sin mar a d'fhógair sé gach bia a bheith glan.)

[20]Dúirt sé: "An rud a thagann amach as an duine, sin é a dhéanann neamhghlan an duine.

[21]Óir is ón taobh istigh, amach as croí na ndaoine, a thagann drochsmaointe, bearta drúise, gadaíochtaí, dúnmharuithe,

[22] a avareza, as malícias, o dolo, a lascívia, a inveja, a blasfêmia, a soberba, a loucura.

[23] Ora, todos estes males vêm de dentro e contaminam o homem.

A mulher siro-fenícia
Mateus 15.21-28

[24] Levantando-se, partiu dali para as terras de Tiro [e Sidom]. Tendo entrado numa casa, queria que ninguém o soubesse; no entanto, não pôde ocultar-se,

[25] porque uma mulher, cuja filhinha estava possessa de espírito imundo, tendo ouvido a respeito dele, veio e prostrou-se-lhe aos pés.

[26] Esta mulher era grega, de origem siro-fenícia, e rogava-lhe que expelisse de sua filha o demônio.

[27] Mas Jesus lhe disse: Deixa primeiro que se fartem os filhos, porque não é bom tomar o pão dos filhos e lançá-lo aos cachorrinhos.

[28] Ela, porém, lhe respondeu: Sim, SENHOR; mas os cachorrinhos, debaixo da mesa, comem das migalhas das crianças.

[29] Então, lhe disse: Por causa desta palavra, podes ir; o demônio já saiu de tua filha.

[30] Voltando ela para casa, achou a menina sobre a cama, pois o demônio a deixara.

A cura de um surdo e gago

[31] De novo, se retirou das terras de Tiro e foi por Sidom até ao mar da Galiléia, através do território de Decápolis.

[22]bearta adhaltranais, sainteanna, mallaitheachtaí, cealg, ainriantacht, formad, ithiomrá, díomas, amadántacht.

[23]Is ón taobh istigh a thagann na drochnithe sin uile, agus déanann siad neamhghlan an duine.”

Leigheas Iníon na Mná Suírféinicí

[24]Chuir sé chun siúil as sin agus d'imigh go críocha na Tuíre agus na Síodóine. Agus ar dhul isteach i dteach dó, níorbh áil leis go mbeadh fios ag aon duine faoi, ach níorbh fhéidir leis fanacht as aithne.

[25]Óir bean a raibh a hiníon bheag agus spiorad míghlan inti, chuala sí scéala air láithreach agus tháinig sí á caitheamh féin ag a chosa.

[26]Bean Ghréagach í, Suírféinicach ó dhúchas. Rinne sí achainí air an deamhan a chaitheamh amach as a hiníon.

[27]Dúirt sé léi: “Fan go dtugtar a sáith do na leanaí ar dtús, mar níl sé oiriúnach arán na leanaí a thógáil agus é a chaitheamh chun na gcoileán.”

[28]Ach dúirt sí leis á fhreagairt: “Cinnte, a Thiarna, agus na coileáin féin a bhíonn faoin mbord, itheann siad grabhróga na leanaí.”

[29]Agus dúirt sé léi: “Mar gheall ar an bhfocal sin, imigh leat: tá an deamhan tar éis imeacht as d'iníon.”

[30]Chuaigh sí abhaile agus fuair sí an leanbh ina luí sa leaba agus an deamhan imithe.

Duine Bodhar Balbh á Leigheas

[31]Ar dhul amach dó arís as críocha na Tuíre, chuaigh sé tríd an tSíodón go farraige na Gailíle trí lár chríocha Dheacapoil.

[32] Então, lhe trouxeram um surdo e gago e lhe suplicaram que impusesse as mãos sobre ele.

[33] Jesus, tirando-o da multidão, à parte, pôs-lhe os dedos nos ouvidos e lhe tocou a língua com saliva;

[34] depois, erguendo os olhos ao céu, suspirou e disse: Efatá!, que quer dizer: Abre-te!

[35] Abriram-se-lhe os ouvidos, e logo se lhe soltou o empecilho da língua, e falava desembaraçadamente.

[36] Mas lhes ordenou que a ninguém o dissessem; contudo, quanto mais recomendava, tanto mais eles o divulgavam.

[37] Maravilhavam-se sobremaneira, dizendo: Tudo ele tem feito esplendidamente bem; não somente faz ouvir os surdos, como falar os mudos.

[32]Agus thug siad chuige duine bodhar a raibh bascadh ar a chaint agus d'iarr siad air a lámh a chur air.

[33]Thug sé i leataobh ón slua é ar leithligh agus chuir a mhéara ina chluasa, le seile as a bhéal bhain sé lena theanga,

[34]agus, ag breathnú suas ar neamh dó, rinne sé osna agus dúirt leis: “Eafatá!” - focal a chiallaíonn: “Osclaítear thú.”

[35]Agus osclaíodh a chluasa láithreach, agus scaoileadh an sreangán dá theanga agus labhair sé i gceart.

[36]Agus d'ordaigh sé dóibh gan a insint do dhuine ar bith, ach dá ghéire a d'ordaigh sé dóibh is ea ba mhó a bhí siad á fhógairt,

[37]agus bhí ionadh saoil orthu ag rá: “Rinne sé gach aon ní go maith: thug sé éisteacht do bhodhráin agus caint do bhalbháin.”

Marcos 8

A segunda multiplicação de pães e peixes
Mateus 15.32-39

[1] Naqueles dias, quando outra vez se reuniu grande multidão, e não tendo eles o que comer, chamou Jesus os discípulos e lhes disse:

[2] Tenho compaixão desta gente, porque há três dias que permanecem comigo e não têm o que comer.

[3] Se eu os despedir para suas casas, em jejum, desfalecerão pelo caminho; e alguns deles vieram de longe.

Marcas 8

Dara Míorúilt na mBuilíní

[1]Sna laethanta sin, nuair a bhí slua mór ann arís agus gan aon ní le hithe acu, ghlaoigh sé na deisceabail chuige agus dúirt sé leo:

[2]“Tá trua agam don slua, mar tá trí lá tugtha acu liom anois agus gan aon ní le hithe acu,

[3]agus má scaoilim chun siúil abhaile iad ar céalacan, buailfidh laige iad sa tslí, agus tá cuid acu a tháinig i bhfad ó bhaile.”

[4] Mas os seus discípulos lhe responderam: Donde poderá alguém fartá-los de pão neste deserto?

[5] E Jesus lhes perguntou: Quantos pães tendes? Responderam eles: Sete.

[6] Ordenou ao povo que se assentasse no chão. E, tomando os sete pães, partiu-os, após ter dado graças, e os deu a seus discípulos, para que estes os distribuíssem, repartindo entre o povo.

[7] Tinham também alguns peixinhos; e, abençoando-os, mandou que estes igualmente fossem distribuídos.

[8] Comeram e se fartaram; e dos pedaços restantes recolheram sete cestos.

[9] Eram cerca de quatro mil homens. Então, Jesus os despediu.

[10] Logo a seguir, tendo embarcado juntamente com seus discípulos, partiu para as regiões de Dalmanuta.

Os fariseus pedem um sinal do céu

Mateus 16.1-4

[11] E, saindo os fariseus, puseram-se a discutir com ele; e, tentando-o, pediram-lhe um sinal do céu.

[12] Jesus, porém, arrancou do íntimo do seu espírito um gemido e disse: Por que pede esta geração um sinal? Em verdade vos digo que a esta geração não se lhe dará sinal algum.

[13] E, deixando-os, tornou a embarcar e foi para o outro lado.

O fermento dos fariseus e o de Herodes

Mateus 16.5-12

[14] Ora, aconteceu que eles se esqueceram de levar pães e, no barco, não tinham consigo senão um só.

[4]D'fhreagair a dheisceabail é: “Cá bhféadfadh duine a ndóthain aráin a fháil dóibh seo anseo san fhásach?”

[5]D'fhiafraigh sé díobh: “Cé mhéad builín atá agaibh?” “Tá a seacht,” ar siadsan.

[6]D'ordaigh sé don slua ligean fúthu ar an talamh, agus thóg sé na seacht mbuilíní, d'altaigh, bhris agus thug dá dheisceabail le cur os a gcomhair agus chuir siad os comhair an tslua iad,

[7]agus bhí beagán mioniasc acu, agus ar a mbeannú dó dúirt sé iadsan a chur os a gcomhair freisin.

[8]D'ith siad agus bhí siad sách, agus thóg siad suas an bruscar fuílligh, seacht gcléibhíní.

[9]Timpeall ceithre mhíle a bhí ann, agus scaoil sé uaidh iad.

[10]Chuaigh sé ar bord an bháid láithreach, é féin agus a dheisceabail, agus tháinig go ceantar Dalmanútá.

Gabháil na bhFairisíneach

[11]Tháinig na Fairisínigh agus thosaigh siad ag argóint leis, ag lorg comhartha ó na flaithis uaidh, ag baint trialach as.

[12]Rinne sé osna dhomhain ina spiorad agus dúirt: “Cén fáth a bhfuil an ghlúin seo ag lorg comhartha? Deirim libh go fírinneach, ní thabharfar comhartha don ghlúin seo.”

[13]D'fhág sé iad agus ar dhul ar bord dó arís chuaigh sé go dtí an taobh eile.

[14]Rinne siad dearmad aon arán a thabhairt leo, agus ní raibh sa bhád acu leo ach aon bhuilín amháin.

[15] Preveniu-os Jesus, dizendo: Vede, guardai-vos do fermento dos fariseus e do fermento de Herodes.

[16] E eles discorriam entre si: É que não temos pão.

[17] Jesus, percebendo-o, lhes perguntou: Por que discorreis sobre o não terdes pão? Ainda não considerastes, nem compreendestes? Tendes o coração endurecido?

[18] Tendo olhos, não vedes? E, tendo ouvidos, não ouvis? Não vos lembrais

[19] de quando parti os cinco pães para os cinco mil, quantos cestos cheios de pedaços recolhestes? Responderam eles: Doze!

[20] E de quando parti os sete pães para os quatro mil, quantos cestos cheios de pedaços recolhestes? Responderam: Sete!

[21] Ao que lhes disse Jesus: Não compreendeis ainda?

A cura de um cego em Betsaida

[22] Então, chegaram a Betsaida; e lhe trouxeram um cego, rogando-lhe que o tocasse.

[23] Jesus, tomando o cego pela mão, levou-o para fora da aldeia e, aplicando-lhe saliva aos olhos e impondo-lhe as mãos, perguntou-lhe: Vês alguma coisa?

[24] Este, recobrando a vista, respondeu: Vejo os homens, porque como árvores os vejo, andando.

[25] Então, novamente lhe pôs as mãos nos olhos, e ele, passando a ver claramente,

[15]Agus thug sé foláireamh dóibh a rá: “Bígí aireach agus seachnaígí sibh féin ar ghabháil na bhFairisíneach agus ar ghabháil Héaróid.”

[16]Agus bhí siadsan ag plé an scéil le chéile: nach raibh aon arán acu.

[17]Bhí a fhios ag Íosa agus dúirt sé leo: “Cén fáth a bhfuil sibh ag plé an scéil gan arán a bheith agaibh? Nach bhfuil tuiscint agaibh fós nó meabhair? An bhfuil bhur gcroí dúr?

[18]Cé go bhfuil súile agaibh, an ea nach bhfeiceann sibh, agus cé go bhfuil cluasa agaibh an ea nach gcluineann sibh? Agus nach cuimhin libh,

[19]nuair a bhris mé na cúig builíní don chúig mhíle, cé mhéad ciseán lán de bhruscar a thóg sibh suas?” Dúirt siad: “Dhá cheann déag.”

[20]“Agus na seacht gcinn don cheithre mhíle, cé mhéad cléibhín lán de bhruscar a thóg sibh?” Dúirt siad: “Seacht gcinn.”

[21]Agus dúirt sé leo: “Nach dtuigeann sibh fós?”

Leigheas Daill i mBéatsáide

[22]Tháinig siad go dtí Béatsáide, agus bhí daoine a thug fear dall chuige agus rinne siad achainí air baint leis.

[23]Rug sé ar láimh ar an dall agus sheol as an mbaile é, chaith sé seile ar a shúile agus ar leagan a lámh air d'fhiafraigh de: “An bhfeiceann tú aon ní?”

[24]D'ardaigh seisean a shúile agus dúirt: “Feicim daoine, ach samhlaím gur crainn iad ag siúl.”

[25]Ansin leag sé a lámha ar a shúile arís agus bhreathnaigh an dall go géar agus rinneadh

ficou restabelecido; e tudo distinguia de modo perfeito.

[26] E mandou-o Jesus embora para casa, recomendando-lhe: Não entres na aldeia.

A confissão de Pedro
Mateus 16.13-20; Lucas 9.18-21

[27] Então, Jesus e os seus discípulos partiram para as aldeias de Cesaréia de Filipe; e, no caminho, perguntou-lhes: Quem dizem os homens que sou eu?

[28] E responderam: João Batista; outros: Elias; mas outros: Algum dos profetas.

[29] Então, lhes perguntou: Mas vós, quem dizeis que eu sou? Respondendo, Pedro lhe disse: Tu és o Cristo.

[30] Advertiu-os Jesus de que a ninguém dissessem tal coisa a seu respeito.

Jesus prediz a sua morte e ressurreição
Mateus 16.21-23; Lucas 9.22

[31] Então, começou ele a ensinar-lhes que era necessário que o Filho do Homem sofresse muitas coisas, fosse rejeitado pelos anciãos, pelos principais sacerdotes e pelos escribas, fosse morto e que, depois de três dias, ressuscitasse.

[32] E isto ele expunha claramente. Mas Pedro, chamando-o à parte, começou a reprová-lo.

[33] Jesus, porém, voltou-se e, fitando os seus discípulos, repreendeu a Pedro e disse: Arreda, Satanás! Porque não cogitas das coisas de Deus, e sim das dos homens.

O discípulo de Jesus deve levar a sua cruz
Mateus 16.24-28; Lucas 9.23-27

[34] Então, convocando a multidão e juntamente os seus discípulos, disse-lhes:

slán arís é agus bhí radharc glan aige ar gach uile ní.

[26]Agus chuir sé chun a thí féin é ag rá: “Ná téigh isteach sa bhaile, fiú amháin.”

Admháil ó Pheadar

[27]D'imigh Íosa agus a chuid deisceabal go dtí na bailte i gCéasaráia Philib, agus sa tslí dóibh d'fhiafraigh sé dá dheisceabail: “Cé hé a deir na daoine mise?”

[28]Dúirt siad leis: “Eoin Baiste, agus cuid eile acu Éilias, cuid eile duine de na fáithe.”

[29]D'fhiafraigh sé díobh: “Ach cé hé a deir sibhse mé?” Dúirt Peadar leis á fhreagairt: “Is tú an Críost.”

[30]Agus d'ordaigh sé dóibh go géar gan labhairt mar gheall air le haon duine.

An Pháis agus an tAiséirí

[31]Thosaigh sé á theagasc dóibh nárbh fholáir do Mhac an Duine mórán a fhulaingt agus an diúltú a fháil ó na seanóirí agus ó uachtaráin na sagart agus óna scríobhaithe agus a chur chun báis agus éirí arís tar éis trí lá.

[32]Agus labhair sé an méid sin go hoscailte. Ach thug Peadar ar fhód ar leith é agus thosaigh ag tabhairt casaoide dó.

[33]Ach d'iompaigh seisean thairis, agus ar fheiceáil a dheisceabal dó, thug sé casaoid do Pheadar agus dúirt: “Siar i mo dhiaidh leat, a Shátain, mar ní hiad smaointe Dé atá i d'aigne ach smaointe daoine.”

Conas Críost a Leanúint

[34]Ghlaoigh sé chuige an slua mar aon lena dheisceabail agus dúirt sé leo: “Más áil le haon duine bheith ar mo bhuíon, séanadh sé é féin, tógadh suas a chros agus leanadh mé.

Se alguém quer vir após mim, a si mesmo se negue, tome a sua cruz e siga-me.

35 Quem quiser, pois, salvar a sua vida perdê-la-á; e quem perder a vida por causa de mim e do evangelho salvá-la-á.

36 Que aproveita ao homem ganhar o mundo inteiro e perder a sua alma?

37 Que daria um homem em troca de sua alma?

38 Porque qualquer que, nesta geração adúltera e pecadora, se envergonhar de mim e das minhas palavras, também o Filho do Homem se envergonhará dele, quando vier na glória de seu Pai com os santos anjos.

35Óir cibé arb áil leis a anam a shaoradh, caillfidh sé é; ach cibé a chaillfidh a anam mar gheall ormsa agus ar an soiscéal, saorfaidh sé é.

36Óir cá fearrde duine an domhan go léir a ghnóthú agus a anam féin a ligean ar ceal?

37Óir cad a d'fhéadfadh duine a thabhairt mar mhalairt ar a anam?

38Óir cibé ar nár leis mise agus mo bhriathra sa ghlúin adhaltrach pheacúil seo, is nár le Mac an Duine eisean mar an gcéanna nuair a thiocfaidh sé i nglóir a Athar in éineacht leis na haingil naofa.”

Marcos 9

1 Dizia-lhes ainda: Em verdade vos afirmo que, dos que aqui se encontram, alguns há que, de maneira nenhuma, passarão pela morte até que vejam ter chegado com poder o reino de Deus.

A transfiguração

Mateus 17.1-8; Lucas 9.28-36

2 Seis dias depois, tomou Jesus consigo a Pedro, Tiago e João e levou-os sós, à parte, a um alto monte. Foi transfigurado diante deles;

3 as suas vestes tornaram-se resplandecentes e sobremodo brancas, como nenhum lavandeiro na terra as poderia alvejar.

4 Apareceu-lhes Elias com Moisés, e estavam falando com Jesus.

5 Então, Pedro, tomando a palavra, disse: Mestre, bom é estarmos aqui e que

Marcas 9

1Agus dúirt sé leo: “Deirim libh go fírinneach, tá daoine anseo i láthair nach mblaisfidh an bás nó go mbeidh ríocht Dé feicthe acu agus í tagtha i gcumhacht.”

An Claochlú

2Sé lá ina dhiaidh sin, rug Íosa leis Peadar, Séamas agus Eoin, agus sheol sé suas iad sliabh ard ar leithligh. Agus tháinig claochlú air os comhair a súl,

3agus d'éirigh a chuid éadaigh dealrach, iad gléigeal thar cuimse, nach bhfuil úcaire ar domhan a dhéanfadh chomh geal iad.

4Agus chonacthas dóibh Maois mar aon le hÉilias agus iad ag comhrá leis.

5Agus labhair Peadar le hÍosa: “A Mháistir,” ar sé, “is maith mar a tharla anseo sinn:

façamos três tendas: uma será tua, outra, para Moisés, e outra, para Elias.

[6] Pois não sabia o que dizer, por estarem eles aterrados.

[7] A seguir, veio uma nuvem que os envolveu; e dela uma voz dizia: Este é o meu Filho amado; a ele ouvi.

[8] E, de relance, olhando ao redor, a ninguém mais viram com eles, senão Jesus.

A vinda de Elias
Mateus 17.9-13

[9] Ao descerem do monte, ordenou-lhes Jesus que não divulgassem as coisas que tinham visto, até o dia em que o Filho do Homem ressuscitasse dentre os mortos.

[10] Eles guardaram a recomendação, perguntando uns aos outros que seria o ressuscitar dentre os mortos.

[11] E interrogaram-no, dizendo: Por que dizem os escribas ser necessário que Elias venha primeiro?

[12] Então, ele lhes disse: Elias, vindo primeiro, restaurará todas as coisas; como, pois, está escrito sobre o Filho do Homem que sofrerá muito e será aviltado?

[13] Eu, porém, vos digo que Elias já veio, e fizeram com ele tudo o que quiseram, como a seu respeito está escrito.

A cura de um jovem possesso
Mateus 17.14-21; Lucas 9.37-43

[14] Quando eles se aproximaram dos discípulos, viram numerosa multidão ao redor e que os escribas discutiam com eles.

déanaimis trí bothanna, ceann duit féin, ceann do Mhaois agus ceann d'Éilias" -

[6]mar ní raibh a fhios aige cad ba mhaith dó a rá óir tháinig uamhan orthu.

[7]Agus tháinig scamall ina scáil anuas orthu, agus an glór as an scamall: "Is é seo mo Mhac muirneach dár thug mé gnaoi: éistigí leis!"

[8]Agus go tobann, ar dhearcadh dóibh ina dtimpeall, ní fhaca siad duine ar bith níos mó ach Íosa in éineacht leo ina aonar.

[9]Ar a slí anuas dóibh ón sliabh, chuir sé mar acht orthu gan a raibh feicthe acu a insint do dhuine ar bith nó go mbeadh Mac an Duine éirithe ó mhairbh.

[10]Agus choinnigh siad an scéal chucu féin ach go mbídís ag fiafraí dá chéile cad ba chiall leis an éirí úd ó mhairbh.

[11]Agus chuir siad ceist air: "Cén fáth a ndeir na scríobhaithe go gcaithfidh Éilias teacht ar dtús?"

[12]Dúirt sé leo: "Tagann Éilias ar dtús gan amhras chun an uile ní a chur ina cheart arís. Agus conas atá sé scríofa i dtaobh Mhac an Duine nach foláir dó mórán a fhulaingt agus bheith faoi dhrochmheas?

[13]Ach deirim libh: tá Éilias tagtha, agus d'imir siad a dtoil air de réir mar atá scríofa mar gheall air."

Óganach á Leigheas

[14]Ar theacht dóibh go dtí na deisceabail, chonaic siad slua mór ina dtimpeall, agus scríobhaithe ag argóint leo.

[15] E logo toda a multidão, ao ver Jesus, tomada de surpresa, correu para ele e o saudava.

[16] Então, ele interpelou os escribas: Que é que discutíeis com eles?

[17] E um, dentre a multidão, respondeu: Mestre, trouxe-te o meu filho, possesso de um espírito mudo;

[18] e este, onde quer que o apanha, lança-o por terra, e ele espuma, rilha os dentes e vai definhando. Roguei a teus discípulos que o expelissem, e eles não puderam.

[19] Então, Jesus lhes disse: Ó geração incrédula, até quando estarei convosco? Até quando vos sofrerei? Trazei-mo.

[20] E trouxeram-lho; quando ele viu a Jesus, o espírito imediatamente o agitou com violência, e, caindo ele por terra, revolvia-se espumando.

[21] Perguntou Jesus ao pai do menino: Há quanto tempo isto lhe sucede? Desde a infância, respondeu;

[22] e muitas vezes o tem lançado no fogo e na água, para o matar; mas, se tu podes alguma coisa, tem compaixão de nós e ajuda-nos.

[23] Ao que lhe respondeu Jesus: Se podes! Tudo é possível ao que crê.

[24] E imediatamente o pai do menino exclamou [com lágrimas]: Eu creio! Ajuda-me na minha falta de fé!

[25] Vendo Jesus que a multidão concorria, repreendeu o espírito imundo, dizendo-

[15]Agus an túisce a chonaic siad é, bhí an slua go léir le hiontas, agus rith siad chuige ag beannú dó.

[16]D'fhiafraigh sé díobh: “Cén argóint atá agaibh leo?”

[17]Agus d'fhreagair duine den slua é: “A Mháistir, thug mé chugat mo mhac a bhfuil spiorad balbh ann:

[18]agus cibé uair a bheireann sé air, teilgeann sé ar lár é, agus bíonn cúr lena bhéal agus díoscán ar a fhiacla agus é stalctha righin. D'iarr mé ar do dheisceabail é a chaitheamh amach agus chuaigh sé díobh.”

[19]Dúirt sé leo á bhfreagairt: “Ó a ghlúin dhíchreidmheach, cá fhad a bheidh mé faraibh? Cá fhad a bheidh mé ag cur suas libh? Tugaigí chugam é.”

[20]Thug siad chuige é, agus an túisce a chonaic an spiorad é, bhain sé rachtanna as an ógánach, agus thit sé ar an talamh á únfairt féin agus cúr lena bhéal.

[21]D'fhiafraigh Íosa dá athair: “Cá fhad atá sé seo air?” Dúirt seisean: “Ó bhí sé ina pháiste,

[22]agus bíonn sé á chaitheamh isteach sa tine go minic agus san uisce freisin chun é a mhilleadh. Ach má fhéadann tú rud ar bith a dhéanamh bíodh trua agat dúinn agus cuidigh linn.”

[23]Dúirt Íosa leis: “Má fhéadann tú! - Is féidir an uile ní don té a chreideann.”

[24]Ghlaoigh athair an pháiste amach láithreach: “Creidim, tar i gcabhair ar mo dhíchreideamh.”

[25]Nuair a chonaic Íosa slua ag bailiú go tapa, labhair sé go bagrach leis an spiorad míghlan agus dúirt leis: “A spioraid bhailbh bhodhair,

lhe: Espírito mudo e surdo, eu te ordeno: Sai deste jovem e nunca mais tornes a ele.

[26] E ele, clamando e agitando-o muito, saiu, deixando-o como se estivesse morto, a ponto de muitos dizerem: Morreu.

[27] Mas Jesus, tomando-o pela mão, o ergueu, e ele se levantou.

[28] Quando entrou em casa, os seus discípulos lhe perguntaram em particular: Por que não pudemos nós expulsá-lo?

[29] Respondeu-lhes: Esta casta não pode sair senão por meio de oração [e jejum].

De novo Jesus prediz a sua morte e ressurreição

Mateus 17.22-23; Lucas 9.43b-45

[30] E, tendo partido dali, passavam pela Galiléia, e não queria que ninguém o soubesse;

[31] porque ensinava os seus discípulos e lhes dizia: O Filho do Homem será entregue nas mãos dos homens, e o matarão; mas, três dias depois da sua morte, ressuscitará.

[32] Eles, contudo, não compreendiam isto e temiam interrogá-lo.

O maior no reino dos céus

Mateus 18.1-5; Lucas 9.46-48

[33] Tendo eles partido para Cafarnaum, estando ele em casa, interrogou os discípulos: De que é que discorríeis pelo caminho?

[34] Mas eles guardaram silêncio; porque, pelo caminho, haviam discutido entre si sobre quem era o maior.

táim á ordú duit, gabh amach as agus ná tar ann go deo arís."

[26]Scread sé amach, bhain sé rachtanna as go dolba, agus d'imigh amach as; agus bhí sé mar a bheadh duine marbh, sa chaoi go ndúirt a bhformhór: "Tá sé marbh."

[27]Ach rug Íosa ar láimh air agus thóg sé suas é, agus d'éirigh sé ina sheasamh.

[28]Ar dhul isteach sa teach dó, d'fhiafraigh a chuid deisceabal de ar leithligh: "Cén fáth nárbh fhéidir dúinne é a chaitheamh amach?"

[29]Agus dúirt sé leo: "Ní féidir leis an sórt seo dul amach trí ní ar bith ach amháin trí ghuí (agus trí throscadh)."

Páis agus Aiséirí: Tairngreacht Eile

[30]Ag imeacht as an áit sin dóibh, ghabh siad tríd an nGailíl agus níorbh áil leis go mbeadh fios ag aon duine, mar bhí sé ag teagasc a dheisceabal, a rá leo:

[31]"Tabharfar Mac an Duine ar lámh do dhaoine agus cuirfidh siad chun báis é, agus tar éis a mharaithe, éireoidh sé tar éis trí lá."

[32]Ach níor thuig siad an focal, agus bhí eagla orthu ceist a chur air.

An Té is Mó

[33]Tháinig siad go dtí Cafarnáum, agus sa teach do d'fhiafraigh sé díobh: "Cad a bhí á chur trí chéile agaibh sa tslí?"

[34]Ach ní raibh focal astu, óir bhí siad ag díospóireacht le chéile, ar an tslí, féachaint cé acu ba mhó.

[35] E ele, assentando-se, chamou os doze e lhes disse: Se alguém quer ser o primeiro, será o último e servo de todos.

[36] Trazendo uma criança, colocou-a no meio deles e, tomando-a nos braços, disse-lhes:

[37] Qualquer que receber uma criança, tal como esta, em meu nome, a mim me recebe; e qualquer que a mim me receber, não recebe a mim, mas ao que me enviou.

Jesus ensina a tolerância e a caridade

Lucas 9.49-50

[38] Disse-lhe João: Mestre, vimos um homem que, em teu nome, expelia demônios, o qual não nos segue; e nós lho proibimos, porque não seguia conosco.

[39] Mas Jesus respondeu: Não lho proibais; porque ninguém há que faça milagre em meu nome e, logo a seguir, possa falar mal de mim.

[40] Pois quem não é contra nós é por nós.

[41] Porquanto, aquele que vos der de beber um copo de água, em meu nome, porque sois de Cristo, em verdade vos digo que de modo algum perderá o seu galardão.

Os tropeços

Mateus 18.6-9; Lucas 17.1-2

[42] E quem fizer tropeçar a um destes pequeninos crentes, melhor lhe fora que se lhe pendurasse ao pescoço uma grande pedra de moinho, e fosse lançado no mar.

[43] E, se tua mão te faz tropeçar, corta-a; pois é melhor entrares maneta na vida do

[35]Shuigh sé agus ghlaoigh chuige an dáréag agus dúirt leo: “Más mian le haon duine a bheith ar tosach, ní foláir dó bheith ar deireadh cách agus ina sheirbhíseach ag cách.”

[36]Agus ag breith ar leanbh dó, chuir sé é ina sheasamh i lár baill eatarthu, agus, ag tabhairt barróige dó, dúirt sé leo:

[37]“Cibé duine a ghlacfaidh a leithéid seo de leanbh ar son m'ainm, glacann sé mise, agus cibé a ghlacfaidh mise, ní mise, ach an té a chuir uaidh mé, a ghlacann sé.”

Ainm Íosa

[38]Dúirt Eoin leis: “A mháistir, chonaiceamar duine nach leanann sinn ag caitheamh deamhan amach i d'ainmse, agus chuireamar cosc leis mar níor lean sé inár mbuíon.”

[39]Dúirt Íosa: “Ná cuirigí aon chosc leis; níl aon duine a dhéanfaidh míorúilt i m'ainmse agus a fhéadfaidh, go luath, an drochfhocal a bheith aige orm;

[40]óir an té nach bhfuil inár n-aghaidh, tá sé ar ár son.

[41]“Má thugann duine ar bith cupán d'fhíoruisce daoibh as ucht gur le Críost sibh, deirim libh go fírinneach nach mbeidh sé gan a thuarastal a fháil.

Déirc -- Scannail

[42]“Ach má thugann aon duine scannal do dhuine ar bith de na rudaí beaga seo a chreideann ionamsa, b'fhearr dó go gcuirfí bró mhuilinn faoina mhuineál agus é a chaitheamh san fharraige.

[43]Más siocair pheaca duit do lámh, gearr anuas í; is fearr duit dul isteach sa bheatha i do mhairtíneach ná an dá láimh a bheith agat

que, tendo as duas mãos, ires para o inferno, para o fogo inextinguível

[44] [onde não lhes morre o verme, nem o fogo se apaga].

[45] E, se teu pé te faz tropeçar, corta-o; é melhor entrares na vida aleijado do que, tendo os dois pés, seres lançado no inferno

[46] [onde não lhes morre o verme, nem o fogo se apaga].

[47] E, se um dos teus olhos te faz tropeçar, arranca-o; é melhor entrares no reino de Deus com um só dos teus olhos do que, tendo os dois seres lançado no inferno,

[48] onde não lhes morre o verme, nem o fogo se apaga.

Os discípulos, o sal da terra

Mateus 5.13; Lucas 14.34-35

[49] Porque cada um será salgado com fogo.

[50] Bom é o sal; mas, se o sal vier a tornar-se insípido, como lhe restaurar o sabor? Tende sal em vós mesmos e paz uns com os outros.

Marcos 10

Jesus atravessa o Jordão

Mateus 19.1-2

[1] Levantando-se Jesus, foi dali para o território da Judéia, além do Jordão. E outra vez as multidões se reuniram junto a ele, e, de novo, ele as ensinava, segundo o seu costume.

A questão do divórcio

Mateus 19.3-12; Lucas 16.18

[2] E, aproximando-se alguns fariseus, o experimentaram, perguntando-lhe: É lícito ao marido repudiar sua mulher?

agus tú a dhul go hifreann, an tine nach féidir a mhúchadh

[44](an áit nach n-éagann an phiast acu agus nach múchtar an tine).

[45]Agus más siocair pheaca duit do chos, gearr anuas í; is fearr duit dul isteach sa bheatha bacach ná an dá chois a bheith agat agus tú a chaitheamh in ifreann

[46](an áit nach n-éagann an phiast acu agus nach múchtar an tine).

[47]Agus más siocair pheaca duit do shúil, caith uait í; is fearr duit a bheith ar leathshúil ag dul isteach i ríocht Dé ná an dá shúil a bheith agat agus tú a chaitheamh in ifreann,

[48]an áit nach n-éagann an phiast acu agus nach múchtar an tine.

[49]Saillfear cách le tine.

[50]Is maith an rud salann, ach má éiríonn an salann leamh cad a chuirfidh sibh mar anlann leis? Bíodh salann agaibh ionaibh agus bíodh síocháin eadraibh.”

Marcas 10

Ceist Faoin Idirscaradh

[1]Ar fhagáil na háite sin dó, tháinig sé go dtí críocha Iúdáia ar an taobh eile den Iordáin, agus chruinnigh sluaite móra chuige arís agus bhí sé á dteagasc arís mar ba ghnách leis.

[2]Tháinig Fairisínigh chuige agus d'fhiafraigh siad de, ag baint trialach as: “An dleathach do dhuine a bhean a scaoileadh uaidh?”

[3] Ele lhes respondeu: Que vos ordenou Moisés?

[4] Tornaram eles: Moisés permitiu lavrar carta de divórcio e repudiar.

[5] Mas Jesus lhes disse: Por causa da dureza do vosso coração, ele vos deixou escrito esse mandamento;

[6] porém, desde o princípio da criação, Deus os fez homem e mulher.

[7] Por isso, deixará o homem a seu pai e mãe [e unir-se-á a sua mulher],

[8] e, com sua mulher, serão os dois uma só carne. De modo que já não são dois, mas uma só carne.

[9] Portanto, o que Deus ajuntou não separe o homem.

[10] Em casa, voltaram os discípulos a interrogá-lo sobre este assunto.

[11] E ele lhes disse: Quem repudiar sua mulher e casar com outra comete adultério contra aquela.

[12] E, se ela repudiar seu marido e casar com outro, comete adultério.

Jesus abençoa as crianças

Mateus 19.13-15; Lucas 18.15-17

[13] Então, lhe trouxeram algumas crianças para que as tocasse, mas os discípulos os repreendiam.

[14] Jesus, porém, vendo isto, indignou-se e disse-lhes: Deixai vir a mim os pequeninos, não os embaraceis, porque dos tais é o reino de Deus.

[15] Em verdade vos digo: Quem não receber o reino de Deus como uma criança de maneira nenhuma entrará nele.

[3]D'fhreagair sé agus dúirt leo: “Cad a d'ordaigh Maois daoibh?”

[4]Dúirt siadsan: “Thug Maois cead litir idirscartha a scríobh agus í a scaoileadh.”

[5]Dúirt Íosa leo: “Is de dheasca bhur gcroí a bheith stuacach a scríobh sé an aithne sin daoibh.

[6]Ach ó thús an chruthaithe ‘rinne Dia iad fireann agus baineann;

[7]mar gheall air sin fágfaidh duine a athair agus a mháthair chun bheith go dlúth i bpáirt lena bhean,

[8]agus aon cholainn amháin a bheidh sa bheirt acu’. Dá réir sin, ní beirt iad feasta ach aon cholainn amháin.

[9]Dá bhrí sin, an ní a cheangail Dia, ná scaoileadh duine é.”

[10]Cheistigh a dheisceabail é mar gheall air seo arís sa teach,

[11]agus dúirt sé leo: “Duine ar bith a scaoileann uaidh a bhean agus a phósann bean eile, déanann sé adhaltranas ina coinne.

[12]Agus má scaoileann bean a fear uaithi agus fear eile a phósadh, déanann sí adhaltranas.”

Íosa ag Beannú na Leanaí

[13]Agus bhí siad ag tabhairt na leanaí chuige chun go sínfeadh sé a lámh orthu, ach bhí na deisceabail ag cur ceartú orthu.

[14]Ar a fheiceáil sin dó, tháinig míchéadfa air agus dúirt leo: “Ligigí do na leanaí teacht chugam; na coiscigí iad, óir is lena leithéidí seo ríocht Dé.

[15]Deirim libh go fírinneach, cibé nach nglacfaidh ríocht Dé ar nós linbh, ní rachaidh sé isteach inti choíche.”

[16] Então, tomando-as nos braços e impondo-lhes as mãos, as abençoava.

O jovem rico

Mateus 19.16-22; Lucas 18.18-23

[17] E, pondo-se Jesus a caminho, correu um homem ao seu encontro e, ajoelhando-se, perguntou-lhe: Bom Mestre, que farei para herdar a vida eterna?

[18] Respondeu-lhe Jesus: Por que me chamas bom? Ninguém é bom senão um, que é Deus.

[19] Sabes os mandamentos: Não matarás, não adulterarás, não furtarás, não dirás falso testemunho, não defraudarás ninguém, honra a teu pai e tua mãe.

[20] Então, ele respondeu: Mestre, tudo isso tenho observado desde a minha juventude.

[21] E Jesus, fitando-o, o amou e disse: Só uma coisa te falta: Vai, vende tudo o que tens, dá-o aos pobres e terás um tesouro no céu; então, vem e segue-me.

[22] Ele, porém, contrariado com esta palavra, retirou-se triste, porque era dono de muitas propriedades.

O perigo das riquezas

Mateus 19.23-30; Lucas 18.24-30

[23] Então, Jesus, olhando ao redor, disse aos seus discípulos: Quão dificilmente entrarão no reino de Deus os que têm riquezas!

[24] Os discípulos estranharam estas palavras; mas Jesus insistiu em dizer-lhes: Filhos, quão difícil é [para os que confiam nas riquezas] entrar no reino de Deus!

[16]Agus rug sé barróg orthu, chuir a lámha orthu, agus bheannaigh iad.

Lucht Saibhris agus Ríocht Dé

[17]Agus ag cur chun bóthair dó rith duine chuige agus chaith sé é féin ar a ghlúine ina láthair agus d'fhiafraigh sé de: "A Mháistir mhaith, cad tá le déanamh agam chun go mbeinn páirteach sa bheatha shíoraí?"

[18]Dúirt Íosa leis: "Cad chuige a ndeir tú maith liom? Ní maith aon neach ach Dia amháin.

[19]Is eol duit na haitheanta.'Ná déan marú. Ná déan adhaltranas. Ná déan goid. Ná tabhair fianaise bhréige. Ná déan calaois. Tabhair onóir do d'athair agus do do mháthair.' "

[20]Dúirt seisean leis: "A Mháistir, choimeád mé iad sin uile ó m'óige."

[21]Dhearc Íosa air agus thug grá dó agus dúirt leis: "Tá aon ní amháin in easnamh ort fós; imigh leat, díol a bhfuil agat agus tabhair do na boicht é agus beidh stór agat ar neamh; tar ansin agus lean mise."

[22]Chuir an chaint sin buaireamh air agus d'imigh sé leis go dubhach mar bhí mórán de mhaoin an tsaoil aige.

[23]Bhreathnaigh Íosa ina thimpeall agus dúirt sé lena dheisceabail: "Cad é chomh deacair is a bheidh sé ar lucht an tsaibhris dul isteach i ríocht Dé!"

[24]Chuir a bhriathra alltacht ar a dheisceabail, ach d'fhreagair Íosa agus dúirt leo arís: "A chlann liom, cad é chomh deacair is atá sé dóibh siúd a chuireann a muinín i saibhreas dul isteach i ríocht Dé!

25 É mais fácil passar um camelo pelo fundo de uma agulha do que entrar um rico no reino de Deus.

26 Eles ficaram sobremodo maravilhados, dizendo entre si: Então, quem pode ser salvo?

27 Jesus, porém, fitando neles o olhar, disse: Para os homens é impossível; contudo, não para Deus, porque para Deus tudo é possível.

28 Então, Pedro começou a dizer-lhe: Eis que nós tudo deixamos e te seguimos.

29 Tornou Jesus: Em verdade vos digo que ninguém há que tenha deixado casa, ou irmãos, ou irmãs, ou mãe, ou pai, ou filhos, ou campos por amor de mim e por amor do evangelho,

30 que não receba, já no presente, o cêntuplo de casas, irmãos, irmãs, mães, filhos e campos, com perseguições; e, no mundo por vir, a vida eterna.

31 Porém muitos primeiros serão últimos; e os últimos, primeiros.

Jesus ainda outra vez prediz sua morte e ressurreição

Mateus 20.17-19; Lucas 18.31-34

32 Estavam de caminho, subindo para Jerusalém, e Jesus ia adiante dos seus discípulos. Estes se admiravam e o seguiam tomados de apreensões. E Jesus, tornando a levar à parte os doze, passou a revelar-lhes as coisas que lhe deviam sobrevir, dizendo:

33 Eis que subimos para Jerusalém, e o Filho do Homem será entregue aos principais sacerdotes e aos escribas;

25Óir is fusa do chamall dul trí chró snáthaide ná do dhuine saibhir dul isteach i ríocht Dé."

26Ba mhó ná sin an t-ionadh a bhí orthu agus dúirt siad lena chéile: "Cé is féidir a shlánú, más ea?"

27Bhreathnaigh Íosa orthu agus dúirt: "Tá sé seo dodhéanta ag daoine ach níl ag Dia; óir tá an uile ní sodhéanta ag Dia."

28Chrom Peadar ar a rá leis: "Sinne, féach, d'fhágamar an uile ní agus leanamar thusa."

29Dúirt Íosa: "Deirim libh go fírinneach nach bhfuil aon duine a d'fhág teach ná deartháireacha, ná deirfiúracha, ná máthair, ná athair, ná clann, ná tailte, mar gheall ormsa agus ar an soiscéal

30nach bhfaighidh níos mó faoi chéad san aimsir seo anois, tithe agus deartháireacha agus deirfiúracha agus máithreacha agus clann agus tailte, fara géarleanúintí, agus an bheatha shíoraí sa saol atá le teacht.

31"Tá a lán ar tosach a bheidh ar deireadh, agus a lán ar deireadh a bheidh ar tosach."

Páis agus Aiséirí: An Tríú Tairngreacht

32Agus bhí siad ar an tslí ag dul suas go Iarúsailéim; bhí Íosa rompu amach agus bhí ardionadh orthu, agus bhí eagla orthu siúd a bhí ag leanúint laistiar. Rug sé leis an dáréag i leataobh arís agus thosaigh sé ar a insint dóibh cad iad na nithe a bhí le titim amach dó.

33"Seo anois sinn ag dul suas go Iarúsailéim agus tabharfar Mac an Duine ar láimh d'uachtaráin na sagart agus do na

condená-lo-ão à morte e o entregarão aos gentios;

[34] hão de escarnecê-lo, cuspir nele, açoitá-lo e matá-lo; mas, depois de três dias, ressuscitará.

O pedido de Tiago e João
Mateus 20.20-28

[35] Então, se aproximaram dele Tiago e João, filhos de Zebedeu, dizendo-lhe: Mestre, queremos que nos concedas o que te vamos pedir.

[36] E ele lhes perguntou: Que quereis que vos faça?

[37] Responderam-lhe: Permite-nos que, na tua glória, nos assentemos um à tua direita e o outro à tua esquerda.

[38] Mas Jesus lhes disse: Não sabeis o que pedis. Podeis vós beber o cálice que eu bebo ou receber o batismo com que eu sou batizado?

[39] Disseram-lhe: Podemos. Tornou-lhes Jesus: Bebereis o cálice que eu bebo e recebereis o batismo com que eu sou batizado;

[40] quanto, porém, ao assentar-se à minha direita ou à minha esquerda, não me compete concedê-lo; porque é para aqueles a quem está preparado.

[41] Ouvindo isto, indignaram-se os dez contra Tiago e João.

[42] Mas Jesus, chamando-os para junto de si, disse-lhes: Sabeis que os que são considerados governadores dos povos

scríobhaithe. Daorfaidh siad chun báis é agus tabharfaidh siad ar láimh do na gintlithe é.

[34]Agus déanfaidh siad fonóid faoi agus seilí a chaitheamh air agus é a sciúrséail agus é a chur chun báis; agus éireoidh sé arís tar éis trí lá.”

Achainí Chlann Zeibidé

[35]Tháinig Séamas agus Eoin, clann Zeibidé; chuige á rá leis: “A Mhaistir, is mian linn go ndéanfá dúinn cibé ní a iarrfaimid ort.”

[36]Dúirt seisean leo: “Cad ab áil libh a dhéanfainn daoibh?”

[37]Agus dúirt siadsan leis: “Tabhair dúinn go suífimis, duine againn ar do dheis, agus duine againn ar do chlé, i do ghlóir.”

[38]Dúirt Íosa leo: “Níl a fhios agaibh cad atá sibh a iarraidh. An bhféadann sibh an cupa a ól atá á ól agamsa, agus sibh do bhur mbaisteadh leis an mbaisteadh lena bhfuilimse do mo bhaisteadh?”

[39]Dúirt siad leis: “Féadaimid.” Dúirt Íosa leo: “An cupa atáim a ól, ólfaidh sibh, agus leis an mbaisteadh lena bhfuilim do mo bhaisteadh, baistfear sibh;

[40]ach maidir le suí ar mo dheis nó ar mo chlé, ní agamsa atá sin le tabhairt, ach is dóibh siúd é dá bhfuil sé i ndán.”

[41]Ar a chloisteáil sin don deichniúr thosaigh siad ar a bheith míchéadfach i dtaobh Shéamais agus Eoin.

[42]Agus ghlaoigh Íosa chuige iad agus dúirt sé leo: “Tá fhios agaibh go mbíonn an mhuintir, a shamhlaíonn a bheith ag rialú na ngintlithe, ag tiarnú orthu, agus a gcuid uaisle ag smachtúchán orthu.

têm-nos sob seu domínio, e sobre eles os seus maiorais exercem autoridade.

[43] Mas entre vós não é assim; pelo contrário, quem quiser tornar-se grande entre vós, será esse o que vos sirva;

[44] e quem quiser ser o primeiro entre vós será servo de todos.

[45] Pois o próprio Filho do Homem não veio para ser servido, mas para servir e dar a sua vida em resgate por muitos.

A cura do cego de Jericó

Mateus 20.29-34; Lucas 18.35-43

[46] E foram para Jericó. Quando ele saía de Jericó, juntamente com os discípulos e numerosa multidão, Bartimeu, cego mendigo, filho de Timeu, estava assentado à beira do caminho

[47] e, ouvindo que era Jesus, o Nazareno, pôs-se a clamar: Jesus, Filho de Davi, tem compaixão de mim!

[48] E muitos o repreendiam, para que se calasse; mas ele cada vez gritava mais: Filho de Davi, tem misericórdia de mim!

[49] Parou Jesus e disse: Chamai-o. Chamaram, então, o cego, dizendo-lhe: Tem bom ânimo; levanta-te, ele te chama.

[50] Lançando de si a capa, levantou-se de um salto e foi ter com Jesus.

[51] Perguntou-lhe Jesus: Que queres que eu te faça? Respondeu o cego: Mestre, que eu torne a ver.

[52] Então, Jesus lhe disse: Vai, a tua fé te salvou. E imediatamente tornou a ver e seguia a Jesus estrada fora.

[43]Ach ní mar sin atá an scéal eadraibhse, ach an duine ar mian leis a bheith ina uasal eadraibh, beidh sé ina sheirbhíseach daoibh,

[44]agus an duine ar mian leis a bheith ina cheann oraibh, beidh sé ina sclábhaí ag các.

[45]Óir níor tháinig Mac an Duine chun go mbeifí ag freastal air, ach chun go ndéanfadh sé féin freastal, agus a anam a thabhairt mar cheannach ar mhórán.”

Dall Ireachó

[46]Agus tháinig siad go Ireachó; agus ag dul amach as Ireachó dó fara a dheisceabail agus slua mór, bhí dall, fear déirce, Bairtiméas mac Thiméas, ina shuí le hais an bhóthair.

[47]Nuair a chuala sé gurbh é Íosa an Nazairéanach a bhí ann thosaigh sé ar screadach agus ar a rá: “A Mhic Dháiví, a Íosa, déan trócaire orm!”

[48]Agus bhagair a lán daoine air a bheith ina thost, ach is ea ba mhó a scread sé: “A Mhic Dháiví, déan trócaire orm.”

[49]Stad Íosa agus dúirt: “Glaoigí anseo air.” Agus ghlaoigh siad ar an dall á rá leis: “Bíodh misneach agat! Éirigh! Tá sé ag glaoch ort!”

[50]Chaith sé siúd de a bhrat, d'éirigh de phreab, agus tháinig chun Íosa.

[51]Ansin labhair Íosa leis: “Cad ab áil leat mé a dhéanamh duit?” ar sé. Dúirt seisean leis: “Rabúní, mo radharc a bheith agam!”

[52]Dúirt Íosa leis: “Imigh leat! Shlánaigh do chreideamh thú.” Tháinig a radharc dó láithreach agus lean sé é sa tslí.

Marcos 11

A entrada triunfal de Jesus em Jerusalém
Mateus 21.1-17; Lucas 19.28-40; João 12.12-19

[1] Quando se aproximavam de Jerusalém, de Betfagé e Betânia, junto ao monte das Oliveiras, enviou Jesus dois dos seus discípulos

[2] e disse-lhes: Ide à aldeia que aí está diante de vós e, logo ao entrar, achareis preso um jumentinho, o qual ainda ninguém montou; desprendei-o e trazei-o.

[3] Se alguém vos perguntar: Por que fazeis isso? Respondei: O SENHOR precisa dele e logo o mandará de volta para aqui.

[4] Então, foram e acharam o jumentinho preso, junto ao portão, do lado de fora, na rua, e o desprenderam.

[5] Alguns dos que ali estavam reclamaram: Que fazeis, soltando o jumentinho?

[6] Eles, porém, responderam conforme as instruções de Jesus; então, os deixaram ir.

[7] Levaram o jumentinho, sobre o qual puseram as suas vestes, e Jesus o montou.

[8] E muitos estendiam as suas vestes no caminho, e outros, ramos que haviam cortado dos campos.

[9] Tanto os que iam adiante dele como os que vinham depois clamavam: Hosana! Bendito o que vem em nome do SENHOR!

[10] Bendito o reino que vem, o reino de Davi, nosso pai! Hosana, nas maiores alturas!

Marcas 11

An Imrím Chaithréimeach

[1]Nuair a bhí siad ag teacht i ngar do Iarúsailéim, agus iad chomh fada le Béatfaigé agus Béatáine i dtreo Chnoc na nOlóg, chuir sé beirt dá dheisceabail uaidh,

[2]agus dúirt sé leo: “Téigí isteach sa bhaile atá os bhur gcomhair agus láithreach ag dul isteach ann daoibh, gheobhaidh sibh searrach ceangailte nach raibh duine ar bith riamh ar a mhuin. Scaoiligí é agus tugaigí libh é.

[3]Agus má deir aon duine libh: ‘Cad atá sibh a dhéanamh? ’ abraigí: ‘Tá gá ag an Tiarna leis. Ach cuirfidh sé ar ais anseo gan mhoill é.’ ”

[4]D'imigh siad leo agus fuair an searrach ceangailte ag doras, lasmuigh ar an tsráid agus scaoil siad é.

[5]Agus dúirt cuid dá raibh ina seasamh ansiúd leo: “Cad ab áil libh ag scaoileadh an tsearraigh?”

[6]D'fhreagair siad faoi mar a dúirt Íosa leo, agus scaoil siad leo.

[7]Agus thug siad leo an searrach go dtí Íosa agus chuir siad a mbrait anuas air agus chuaigh sé ina shuí air.

[8]Leath a lán daoine a mbrait ar an mbóthar, a thuilleadh craobhacha a bhain siad sna goirt;

[9]agus na daoine a bhí roimhe amach, agus iad siúd a bhí á leanuint, bhí na gártha acu á gcur suas: “Hósana! Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna!

[10]Is beannaithe ag teacht í, Ríocht ár nAthar, Dáiví! Hósana sna harda!”

[11] E, quando entrou em Jerusalém, no templo, tendo observado tudo, como fosse já tarde, saiu para Betânia com os doze.

[11]Agus chuaigh sé isteach in Iarúsailéim, agus isteach sa Teampall. Bhreathnaigh sé ar gach ní ina thimpeall, ach ó bhí an déanaí ann cheana féin, chuaigh sé amach go Béatáine leis an dáréag.

A figueira sem fruto
Mateus 21.18-22

An Crann Fígí gan Toradh

[12] No dia seguinte, quando saíram de Betânia, teve fome.

[12]Agus iad ag fágáil Béatáine lá arna mhárach, bhí ocras air.

[13] E, vendo de longe uma figueira com folhas, foi ver se nela, porventura, acharia alguma coisa. Aproximando-se dela, nada achou, senão folhas; porque não era tempo de figos.

[13]Nuair a chonaic sé i bhfad uaidh crann fígí agus duilliúr air, chuaigh sé féachaint an bhfaigheadh sé aon toradh air. Agus nuair a tháinig sé chuige ní bhfuair sé aon ní ach duilliúr mar níorbh é aimsir na bhfígí é.

[14] Então, lhe disse Jesus: Nunca jamais coma alguém fruto de ti! E seus discípulos ouviram isto.

[14]Labhair sé leis an gcrann fígí: “As seo amach go brách nár ithe aon duine toradh uaitse,” ar sé. Agus chuala a dheisceabail é.

A purificação do templo
Mateus 21.12-17; Lucas 19.45-48

An Teampall á Ghlanadh

[15] E foram para Jerusalém. Entrando ele no templo, passou a expulsar os que ali vendiam e compravam; derribou as mesas dos cambistas e as cadeiras dos que vendiam pombas.

[15]Tháinig siad ansin go Iarúsailéim. Ar dhul isteach sa Teampall dó, thosaigh sé ar an muintir a bhí ag díol agus ag ceannach sa Teampall a thiomáint amach; leag sé ar lár na cláir ar lucht airgead a mhalartú agus na suíocháin ar lucht colmáin a dhíol;

[16] Não permitia que alguém conduzisse qualquer utensílio pelo templo;

[16]ná ní cheadódh sé d'aon duine árthach a bhreith leis tríd an Teampall.

[17] também os ensinava e dizia: Não está escrito: A minha casa será chamada casa de oração para todas as nações? Vós, porém, a tendes transformado em covil de salteadores.

[17]Agus bhí sé á dteagasc agus dúirt sé leo: “Nach bhfuil sé scríofa: ‘Glaofar ar mo theachsa teach urnaithe do na ciníocha go léir’? ach rinne sibh uaimh robálaithe de.”

[18] E os principais sacerdotes e escribas ouviam estas coisas e procuravam um modo de lhe tirar a vida; pois o temiam, porque toda a multidão se maravilhava de sua doutrina.

[18]Chuala uachtaráin na sagart agus na scríobhaithe ina thaobh seo agus bhí siad ag lorg slí chun é a mharú; óir bhí eagla orthu roimhe mar bhí an slua go léir ag déanamh an-iontas dá theagasc.

[19] Em vindo a tarde, saíram da cidade.

O poder da fé

[20] E, passando eles pela manhã, viram que a figueira secara desde a raiz.

[21] Então, Pedro, lembrando-se, falou: Mestre, eis que a figueira que amaldiçoaste secou.

[22] Ao que Jesus lhes disse: Tende fé em Deus;

[23] porque em verdade vos afirmo que, se alguém disser a este monte: Ergue-te e lança-te no mar, e não duvidar no seu coração, mas crer que se fará o que diz, assim será com ele.

[24] Por isso, vos digo que tudo quanto em oração pedirdes, crede que recebestes, e será assim convosco.

[25] E, quando estiverdes orando, se tendes alguma coisa contra alguém, perdoai, para que vosso Pai celestial vos perdoe as vossas ofensas.

[26] [Mas, se não perdoardes, também vosso Pai celestial não vos perdoará as vossas ofensas.]

A autoridade de Jesus e o batismo de João

Mateus 21.23-27; Lucas 20.1-8

[27] Então, regressaram para Jerusalém. E, andando ele pelo templo, vieram ao seu encontro os principais sacerdotes, os escribas e os anciãos

[28] e lhe perguntaram: Com que autoridade fazes estas coisas? Ou quem te deu tal autoridade para as fazeres?

[19]Agus nuair a tháinig an tráthnóna d'imigh siad amach as an gcathair.

[20]Ag gabháil thar bráid dóibh lá arna mhárach, chonaic siad an crann fígí seargtha óna fhréamhacha.

[21]Chuimhnigh Peadar agus dúirt leis: "A Mháistir, an crann fígí ar ar chuir tú do mhallacht, féach! tá sé seargtha."

[22]Dúirt Íosa leo ag freagairt: "Bíodh creideamh agaibh i nDia.

[23]Deirim libh go fírinneach, má deir aon duine leis an sliabh seo: 'Éirigh suas agus déan tú féin a chaitheamh san fharraige' agus gan aon amhras ina chroí, ach é a chreidiúint go mbeidh mar a deir sé, déanfar sin dó.

[24]Deirim libh dá bhrí sin, an uile ní a bheidh á impí agus á iarraidh agaibh, creidigí go bhfuil sé faighte agaibh, agus gheobhaidh sibh é.

[25]Agus nuair a bheidh sibh in bhur seasamh ag urnaí, má bhíonn aon ní agaibh i gcoinne aon duine, maithigí dó é, i dtreo go maithfeadh bhur nAthair sna flaithis bhur gcionta daoibhse chomh maith.

[26](Ach mura maitheann sibhse ní mó a mhaithfidh bhur nAthair sna flaithis bhur gcionta daoibhse.)"

Ceist faoi Údarás Chríost

[27]Tháinig siad go Iarúsailéim arís, agus ag siúl sa Teampall d'Íosa, tháinig uachtaráin na sagart, agus na scríobhaithe, agus na seanóirí agus dúirt siad leis:

[28]"Cén t-údarás atá agat leis na nithe seo a dhéanamh, nó cé thug an t-údarás sin duit chun na nithe seo a dhéanamh?"

[29] Jesus lhes respondeu: Eu vos farei uma pergunta; respondei-me, e eu vos direi com que autoridade faço estas coisas.

[30] O batismo de João era do céu ou dos homens? Respondei!

[31] E eles discorriam entre si: Se dissermos: Do céu, dirá: Então, por que não acreditastes nele?

[32] Se, porém, dissermos: dos homens, é de temer o povo. Porque todos consideravam a João como profeta.

[33] Então, responderam a Jesus: Não sabemos. E Jesus, por sua vez, lhes disse: Nem eu tampouco vos digo com que autoridade faço estas coisas.

Marcos 12

A parábola dos lavradores maus

Mateus 21.33-46; Lucas 20.9-19

[1] Depois, entrou Jesus a falar-lhes por parábola: Um homem plantou uma vinha, cercou-a de uma sebe, construiu um lagar, edificou uma torre, arrendou-a a uns lavradores e ausentou-se do país.

[2] No tempo da colheita, enviou um servo aos lavradores para que recebesse deles dos frutos da vinha;

[3] eles, porém, o agarraram, espancaram e o despacharam vazio.

[4] De novo, lhes enviou outro servo, e eles o esbordoaram na cabeça e o insultaram.

[29]Dúirt Íosa leo: “Tá aon cheist amháin agamsa le cur oraibh; tugaigí freagra orm agus inseoidh mé daoibh cén t-údarás atá agam leis na nithe seo a dhéanamh:

[30]baisteadh Eoin, arbh ó neamh nó ó dhaoine é? Tugaigí freagra orm.”

[31]Ach rinne siad machnamh ar an scéal mar seo ina gcroí: “Má deirimid ‘ó neamh’,

[32]déarfaidh sé: ‘Cén fáth nár chreid sibh ann? ’ Ach dá ndéarfaimis ‘ó dhaoine’ ” - bhí eagla orthu roimh an bpobal mar bhí meas fáidh dáiríre acu ar Eoin -

[33]agus is é freagra a thug siad ar Íosa: “Níl a fhios againn.” Agus dúirt Íosa leo: “Nílimse chun a insint daoibhse ach oiread, cén t-údarás atá agam leis na nithe seo a dhéanamh.”

Marcas 12

Máistir an Fhíonghoirt -- agus na Curadóirí Mallaithe

[1]Thosaigh sé ar labhairt leo i bparabail. “Rinne fear fíonghort a phlandáil, fál a chur timpeall air, cantaoir a thochailt ann agus túr a thógáil, chuir ar cíos ansin chun curadóirí é, agus chuaigh ar an gcoigríoch.

[2]Nuair a bhí an séasúr ann chuir sé seirbhíseach uaidh go dtí na curadóirí chun a chion de thoradh an fhíonghoirt a fháil.

[3]Ach rug siad air, bhuail é, agus chuir chun siúil folamh é.

[4]Agus arís chuir sé seirbhíseach eile chucu; ghoin siad é sin sa cheann agus thug siad easonóir dó.

[5] Ainda outro lhes mandou, e a este mataram. Muitos outros lhes enviou, dos quais espancaram uns e mataram outros.

[5]Agus chuir sé duine eile; mharaigh siad eisean; agus mórán eile; bhuail siad cuid acu, mharaigh siad cuid eile.

[6] Restava-lhe ainda um, seu filho amado; a este lhes enviou, por fim, dizendo: Respeitarão a meu filho.

[6]Bhí aon duine amháin aige fós, a mhac muirneach. Chuir sé é sin chucu ar deireadh, á rá: 'Tabharfaidh siad ómós do mo mhac.'

[7] Mas os tais lavradores disseram entre si: Este é o herdeiro; ora, vamos, matemo-lo, e a herança será nossa.

[7]Ach dúirt na curadóirí úd le chéile: 'Is é seo an t-oidhre; seo, maraímis é, agus beidh an oidhreacht againn.'

[8] E, agarrando-o, mataram-no e o atiraram para fora da vinha.

[8]Agus rug siad air, mharaigh é, agus chaith amach as an bhfíonghort é.

[9] Que fará, pois, o dono da vinha? Virá, exterminará aqueles lavradores e passará a vinha a outros.

[9]Anois, cad a dhéanfaidh máistir an fhíonghoirt? Tiocfaidh sé agus cuirfidh sé na curadóirí chun báis, agus tabharfaidh sé an fíonghort do dhaoine eile.

[10] Ainda não lestes esta Escritura: A pedra que os construtores rejeitaram, essa veio a ser a principal pedra, angular;

[10]Nár léigh sibh an scrioptúr seo: 'An chloch dár dhiúltaigh na saoir, rinneadh di ceann an chúinne;

[11] isto procede do SENHOR, e é maravilhoso aos nossos olhos?

[11]obair an Tiarna é seo agus is iontach inár súile é.' ”

[12] E procuravam prendê-lo, mas temiam o povo; porque compreenderam que contra eles proferira esta parábola. Então, desistindo, retiraram-se.

[12]Agus ba fhonn leo é a ghabháil, ach bhí eagla orthu roimh an slua. Bhí fhios acu gur chucu féin a bhí sé nuair a labhair sé an parabal. Agus d'fhág siad ansin é agus d'imigh siad leo.

A questão do tributo

Mateus 22.15-22; Lucas 20.19-26

Cion Chéasair agus Cion Dé

[13] E enviaram-lhe alguns dos fariseus e dos herodianos, para que o apanhassem em alguma palavra.

[13]Agus chuir siad chuige cuid de na Fairisínigh agus de na Héaródaigh chun breith air ina chaint.

[14] Chegando, disseram-lhe: Mestre, sabemos que és verdadeiro e não te importas com quem quer que seja, porque não olhas a aparência dos homens; antes, segundo a verdade, ensinas o caminho de Deus; é lícito pagar tributo a César ou não? Devemos ou não devemos pagar?

[14]Tháinig siad chuige agus dúirt siad leis: “A Mháistir, tá a fhios againn gur fear fírinneach tú, gan beann agat ar dhuine ar bith; óir ní fhéachann tú do phearsa seachas a chéile ach slí Dé a mhúineadh de réir na fírinne. An dleathach cáin a íoc le Céasar nó an mídhleathach? An dtabharfaimid í nó nach dtabharfaimid?”

[15] Mas Jesus, percebendo-lhes a hipocrisia, respondeu: Por que me experimentais? Trazei-me um denário para que eu o veja.

[16] E eles lho trouxeram. Perguntou-lhes: De quem é esta efígie e inscrição? Responderam: De César.

[17] Disse-lhes, então, Jesus: Dai a César o que é de César e a Deus o que é de Deus. E muito se admiraram dele.

Os saduceus e a ressurreição

Mateus 22.23-33; Lucas 20.27-40

[18] Então, os saduceus, que dizem não haver ressurreição, aproximaram-se dele e lhe perguntaram, dizendo:

[19] Mestre, Moisés nos deixou escrito que, se morrer o irmão de alguém e deixar mulher sem filhos, seu irmão a tome como esposa e suscite descendência a seu irmão.

[20] Ora, havia sete irmãos; o primeiro casou e morreu sem deixar descendência;

[21] o segundo desposou a viúva e morreu, também sem deixar descendência; e o terceiro, da mesma forma.

[22] E, assim, os sete não deixaram descendência. Por fim, depois de todos, morreu também a mulher.

[23] Na ressurreição, quando eles ressuscitarem, de qual deles será ela a esposa? Porque os sete a desposaram.

[24] Respondeu-lhes Jesus: Não provém o vosso erro de não conhecerdes as Escrituras, nem o poder de Deus?

[15]Ach bhí a fhios ag Íosa an fhimíneacht a bhí iontu agus dúirt sé leo: “Cad ab áil libh ag baint trialach asam? Tugaigí chugam déanar go bhfeicfidh mé.”

[16]Agus shín siad chuige é. Dúirt sé leo: “Cé hé arb é seo a íomhá agus a inscríbhinn?” “Céasar,” ar siad leis.

[17]Dúirt Íosa leo: “Íocaigí le Céasar na nithe is le Céasar, agus le Dia na nithe is le Dia.” Bhain an freagra sin dá mboinn iad le hionadh.

Aiséirí na Colainne

[18]Ansin tháinig chuige Sadúcaigh - iad seo a shéanann an t-aiséirí a bheith ann - agus chuir siad ceist air:

[19]“A Mháistir,” ar siad, “scríobh Maois dúinn: ‘Má fhaigheann deartháir duine bás agus go bhfágann sé bean, ach nach bhfágann sé clann, go bpósfadh a dheartháir an bhaintreach, agus go dtógfadh sé sliocht dá dheartháir.’

[20]Sea, bhí seachtar dearthár ann. Phós an chéad duine bean agus fuair sé bás gan sliocht a fhágáil.

[21]Phós an dara duine an bhaintreach ansin agus fuair sé bás gan sliocht a fhágáil; agus an tríú duine mar an gcéanna;

[22]níor fhág an seachtar aon sliocht. An bhean féin is déanaí a fuair bás.

[23]San aiséirí, nuair a éireoidh siad arís, cé acu a mbeidh an bhean ina bean chéile aige, óir bhí sí ina bean chéile ag an seachtar?”

[24]Dúirt Íosa leo: “Nach é atá do bhur gcur amú, nach eol daoibh na scrioptúir ná cumhacht Dé?

[25] Pois, quando ressuscitarem de entre os mortos, nem casarão, nem se darão em casamento; porém, são como os anjos nos céus.

[26] Quanto à ressurreição dos mortos, não tendes lido no Livro de Moisés, no trecho referente à sarça, como Deus lhe falou: Eu sou o Deus de Abraão, o Deus de Isaque e o Deus de Jacó?

[27] Ora, ele não é Deus de mortos, e sim de vivos. Laborais em grande erro.

O grande mandamento

Mateus 22.34-40; Lucas 10.25-28

[28] Chegando um dos escribas, tendo ouvido a discussão entre eles, vendo como Jesus lhes houvera respondido bem, perguntou-lhe: Qual é o principal de todos os mandamentos?

[29] Respondeu Jesus: O principal é: Ouve, ó Israel, o SENHOR, nosso Deus, é o único SENHOR!

[30] Amarás, pois, o SENHOR, teu Deus, de todo o teu coração, de toda a tua alma, de todo o teu entendimento e de toda a tua força.

[31] O segundo é: Amarás o teu próximo como a ti mesmo. Não há outro mandamento maior do que estes.

[32] Disse-lhe o escriba: Muito bem, Mestre, e com verdade disseste que ele é o único, e não há outro senão ele,

[33] e que amar a Deus de todo o coração e de todo o entendimento e de toda a força, e amar ao próximo como a si mesmo excede a todos os holocaustos e sacrifícios.

[25]Óir nuair a éireoidh siad ó mhairbh, ní bhíonn fir ag pósadh ná mná á dtabhairt le pósadh, ach bíonn siad ar nós aingil Dé ar neamh.

[26]Maidir leis na mairbh a éirí arís, nár léigh sibh i Leabhar Mhaois, sa dréacht faoin Tor, conas mar a labhair Dia leis agus a dúirt: 'Is mise Dia Abrahám, agus Dia Íosác, agus Dia Iacóib.'

[27]Ní hé Dia na marbh é, ach Dia na mbeo. Tá dul amú mór oraibh."

An Phríomhaithne

[28]Duine de na scríobhaithe, a bhí ag éisteacht leo ag aighneas, nuair a thug sé faoi deara a fheabhas a fhreagair Íosa iad, tháinig sé chuige agus chuir sé ceist air: "Cén chéad aithne de na haitheanta go léir?"

[29]D'fhreagair Íosa: "Seo í an chéad cheann: 'Cluin, a Iosrael, an Tiarna ár nDia is aon Tiarna ann

[30]agus gráóidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán, agus ó d'anam go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán agus ó do neart go hiomlán.'

[31]Seo í an dara ceann: 'Gráóidh tú do chomharsa mar thú féin.' Níl aithne eile is mó ná iadsan."

[32]Dúirt an scríobhaí leis: "Maith mar a labhair tú, a Mháistir. Dúirt tú le fírinne gur aon é agus nach bhfuil aon neach eile ann ach é.

[33]É a ghráú ón gcroí go hiomlán, ón tuiscint go hiomlán, agus ón neart go hiomlán, agus an chomharsa a ghráú mar an duine féin, is mó sin go mór ná na híobairtí dóite agus na hofrálacha go léir."

[34] Vendo Jesus que ele havia respondido sabiamente, declarou-lhe: Não estás longe do reino de Deus. E já ninguém mais ousava interrogá-lo.

O Cristo, filho de Davi
Mateus 22.41-46; Lucas 20.41-44

[35] Jesus, ensinando no templo, perguntou: Como dizem os escribas que o Cristo é filho de Davi?

[36] O próprio Davi falou, pelo Espírito Santo: Disse o SENHOR ao meu SENHOR: Assenta-te à minha direita, até que eu ponha os teus inimigos debaixo dos teus pés.

[37] O mesmo Davi chama-lhe SENHOR; como, pois, é ele seu filho? E a grande multidão o ouvia com prazer.

Jesus censura os escribas
Mateus 23.1-7,14; Lucas 20.45-47

[38] E, ao ensinar, dizia ele: Guardai-vos dos escribas, que gostam de andar com vestes talares e das saudações nas praças;

[39] e das primeiras cadeiras nas sinagogas e dos primeiros lugares nos banquetes;

[40] os quais devoram as casas das viúvas e, para o justificar, fazem longas orações; estes sofrerão juízo muito mais severo.

A oferta da viúva pobre
Lucas 21.1-4

[41] Assentado diante do gazofilácio, observava Jesus como o povo lançava ali o dinheiro. Ora, muitos ricos depositavam grandes quantias.

[34]Nuair a chonaic Íosa gur labhair sé go ciallmhar, dúirt sé leis: “Ní fada thú ó ríocht Dé.” Ní raibh sé de mhisneach ag aon duine ceist a chur air as sin amach.

Conas is Mac do Dháiví Críost

[35]Fad is a bhí Íosa ag teagasc sa Teampall d'fhreagair sé agus dúirt: “Conas is féidir leis na scríobhaithe a rá gur Mac do Dháiví an Críost?

[36]Is é Dáiví féin a dúirt faoi luí an Spioraid Naoimh: ‘Dúirt an Tiarna le mo Thiarna: Suigh ar mo dheis, nó go gcuirfidh mé do naimhde mar stól faoi do chosa.’

[37]“Glaonn Dáiví féin Tiarna air, agus cad a bheir ina mhac dó é?” D'éist an slua mór leis le háthas.

Na Scríobhaithe á gCáineadh

[38]Dúirt sé ina theagasc: “Seachnaígí na scríobhaithe, an dream arb áil leo bheith ag siúl timpeall sna róbaí fada, agus go mbeifí ag beannú dóibh sna háiteanna poiblí,

[39]agus na príomhshuíocháin acu sna sionagóga, agus na príomhthoilg ag na fleánna;

[40]iadsan na daoine a ídíonn tithe na mbaintreach, ar scáth a bheith ag déanamh urnaithe fada. Is daoire an bhreith a gheobhaidh siad.”

Cianóg na Baintrí

[41]Shuigh Íosa síos os comhair an chiste agus bhí sé ag faire ar an slua ag cur airgid isteach sa chiste, agus chuir a lán de na daoine saibhre mórán isteach ann.

[42] Vindo, porém, uma viúva pobre, depositou duas pequenas moedas correspondentes a um quadrante.
[43] E, chamando os seus discípulos, disse-lhes: Em verdade vos digo que esta viúva pobre depositou no gazofilácio mais do que o fizeram todos os ofertantes.
[44] Porque todos eles ofertaram do que lhes sobrava; ela, porém, da sua pobreza deu tudo quanto possuía, todo o seu sustento.

[42]Agus tháinig baintreach dhealbh agus chaith sí isteach dhá chianóg, is é sin feoirling.

[43]Ghlaoigh sé chuige a dheisceabail, agus dúirt sé leo: “Deirim libh go fírinneach gur mó a chaith an bhaintreach bhocht seo isteach ná mar a chaith aon duine eile dár chaith ann.

[44]Óir is den iomarca a bhí acu a chaith an chuid eile isteach, ach chaith sise isteach as a huireasa a raibh aici go léir, a cuid den saol.”

Marcos 13

O sermão profético
A destruição do templo
Mateus 24.1-2; Lucas 21.5-6

[1] Ao sair Jesus do templo, disse-lhe um de seus discípulos: Mestre! Que pedras, que construções!

[2] Mas Jesus lhe disse: Vês estas grandes construções? Não ficará pedra sobre pedra, que não seja derribada.

O princípio das dores
Mateus 24.3-14; Lucas 21.7-19

[3] No monte das Oliveiras, defronte do templo, achava-se Jesus assentado, quando Pedro, Tiago, João e André lhe perguntaram em particular:
[4] Dize-nos quando sucederão estas coisas, e que sinal haverá quando todas elas estiverem para cumprir-se.
[5] Então, Jesus passou a dizer-lhes: Vede que ninguém vos engane.
[6] Muitos virão em meu nome, dizendo: Sou eu; e enganarão a muitos.
[7] Quando, porém, ouvirdes falar de guerras e rumores de guerras, não vos

Marcas 13

Léirscrios Iarúsailéim

[1]Ag dul amach as an Teampall dó, dúirt duine dá dheisceabail leis: “Féach, a Mháistir, cad iad mar chlocha agus cad iad mar fhoirgnimh iad seo!”

[2]Dúirt Íosa leis: “An bhfeiceann tú na foirgnimh mhóra seo? Ní fhágfar cloch ar mhuin cloiche nach leagfar anuas.”

[3]Agus ina shuí dó ar Chnoc na nOlóg ar aghaidh an Teampaill, chuir Peadar, Séamas, Eoin agus Aindrias ceist chuige ar leithligh:

[4]“Inis dúinn cén uair a thitfidh an méid sin amach, agus cén comhartha a bheidh ar na nithe sin eile a bheith ag teacht chun cinn.”

[5]Agus thosaigh Íosa ar a rá leo: “Bígí aireach agus ná cuireadh duine ar bith amú sibh.

[6]Tiocfaidh a lán daoine i m'ainmse á rá: ‘Is mise é, ’ agus cuirfidh siad a lán daoine amú.

[7]Nuair a chluinfidh sibh caint ar chogaí agus ar ráflaí ar chogaí, ná glacaigí scéin; óir ní

assusteis; é necessário assim acontecer, mas ainda não é o fim.

[8] Porque se levantará nação contra nação, e reino, contra reino. Haverá terremotos em vários lugares e também fomes. Estas coisas são o princípio das dores.

[9] Estai vós de sobreaviso, porque vos entregarão aos tribunais e às sinagogas; sereis açoitados, e vos farão comparecer à presença de governadores e reis, por minha causa, para lhes servir de testemunho.

[10] Mas é necessário que primeiro o evangelho seja pregado a todas as nações.

[11] Quando, pois, vos levarem e vos entregarem, não vos preocupeis com o que haveis de dizer, mas o que vos for concedido naquela hora, isso falai; porque não sois vós os que falais, mas o Espírito Santo.

[12] Um irmão entregará à morte outro irmão, e o pai, ao filho; filhos haverá que se levantarão contra os progenitores e os matarão.

[13] Sereis odiados de todos por causa do meu nome; aquele, porém, que perseverar até ao fim, esse será salvo.

A grande tribulação

Mateus 24.15-28; Lucas 21.20-24

[14] Quando, pois, virdes o abominável da desolação situado onde não deve estar (quem lê entenda), então, os que estiverem na Judéia fujam para os montes;

[15] quem estiver em cima, no eirado, não desça nem entre para tirar da sua casa alguma coisa;

foláir sin a theacht chun cinn, ach ní hé deireadh fós é.

[8]Óir éireoidh náisiún in aghaidh náisiúin agus ríocht in aghaidh ríochta. Beidh maidhmeanna talún anseo agus ansiúd; beidh gortaí. Ní bheidh sa mhéid sin ach na harraingeacha tosaigh.

[9]“Féachaigí chugaibh féin. Tabharfaidh siad ar láimh sibh do na sainidríní agus buailfidh siad sibh sna sionagóga; seasfaidh sibh i láthair gobharnóirí agus ríthe mar gheall ormsa, chun fianaise a thabhairt os a gcomhair.

[10]Ní foláir ar dtús an soiscéal a fhógairt do na náisiúin go léir.

[11]Agus nuair a thabharfaidh siad leo sibh le tabhairt ar láimh, ná bígí go himníoch roimh ré féachaint cad a déarfaidh sibh, ach an rud a thabharfar daoibh an uair sin, abraigí é; óir ní sibhse a bheidh ag labhairt ach an Spiorad Naomh.

[12]Tabharfaidh an deartháir a dheartháir suas chun báis, agus an t-athair a mhac; éireoidh an chlann in aghaidh a dtuismitheoirí agus cuirfidh siad chun báis iad.

[13]Beidh fuath ag cách daoibh mar gheall ar m'ainmse; ach an té a bheidh seasmhach go deireadh, slánófar eisean.

[14]“Nuair a fheicfidh sibh ‘urghráin úd an lomscriosta’ agus é ina sheasamh san áit nach dual - tuigeadh an té a léann - ansin, iad sin a bheidh in Iúdáia teithidís faoi na sléibhte;

[15]an té a bheidh ar bharr an tí, ná téadh sé síos agus ná téadh sé isteach chun rud a bhreith leis as a theach;

[16] e o que estiver no campo não volte atrás para buscar a sua capa.

[17] Ai das que estiverem grávidas e das que amamentarem naqueles dias!

[18] Orai para que isso não suceda no inverno.

[19] Porque aqueles dias serão de tamanha tribulação como nunca houve desde o princípio do mundo, que Deus criou, até agora e nunca jamais haverá.

[20] Não tivesse o SENHOR abreviado aqueles dias, e ninguém se salvaria; mas, por causa dos eleitos que ele escolheu, abreviou tais dias.

[21] Então, se alguém vos disser: Eis aqui o Cristo! Ou: Ei-lo ali! Não acrediteis;

[22] pois surgirão falsos cristos e falsos profetas, operando sinais e prodígios, para enganar, se possível, os próprios eleitos.

[23] Estai vós de sobreaviso; tudo vos tenho predito.

A vinda do Filho do Homem

Mateus 24.29-31; Lucas 21.25-28

[24] Mas, naqueles dias, após a referida tribulação, o sol escurecerá, a lua não dará a sua claridade,

[25] as estrelas cairão do firmamento, e os poderes dos céus serão abalados.

[26] Então, verão o Filho do Homem vir nas nuvens, com grande poder e glória.

[27] E ele enviará os anjos e reunirá os seus escolhidos dos quatro ventos, da extremidade da terra até à extremidade do céu.

[16]agus an té a bheidh sa ghort, ná filleadh sé ar ais chun a bhrat a bhreith leis.

[17]Lucht clainne a iompar, áfach, agus lucht cíche a thabhairt, is mairg dóibh san aimsir sin.

[18]Bígí ag guí nach sa gheimhreadh a tharlóidh sé.

[19]Óir beidh sna laethanta sin trioblóid nach raibh a leithéid ann ó thús an domhain, a rinne Dia, go dtí anois; agus nach mbeidh.

[20]Agus mura ngiorródh an Tiarna na laethanta sin, ní rachadh aon duine slán; ach ar son na dtofach a thogh sé, ghiorraigh sé na laethanta.

[21]"Má deir aon duine libh ansin: 'Féach, tá an Críost anseo, ' 'Féach, ansiúd é, ' ná creidigí é.

[22]Óir éireoidh Críostanna bréige agus fáithe bréige, agus tabharfaidh siad comharthaí uathu agus éachtaí ionas go gcuirfidís na tofaigh féin amú dá mba fhéidir.

[23]Sibhse, dá bhrí sin, bígí aireach. Féach, tá gach ní inste agam daoibh roimh ré.

Téarnamh Mhac an Duine

[24]"Ach sna laethanta sin, tar éis na trioblóide sin, dorchófar an ghrian, agus ní thabharfaidh an ghealach a solas,

[25]agus beidh na réaltaí ag titim ón spéir, agus beidh cumhachtaí na bhflaitheas ar crith.

[26]Agus ansin feicfidh siad Mac an Duine ag teacht sna scamaill le mórchumhacht agus glóir.

[27]Agus ansin cuirfidh sé na haingil amach agus baileoidh sé na tofaigh ó na ceithre gaotha, ó imill na talún go himill neimhe.

A parábola da figueira. Exortação à vigilância
Mateus 24.32-44; Lucas 21.29-36

[28] Aprendei, pois, a parábola da figueira: quando já os seus ramos se renovam, e as folhas brotam, sabeis que está próximo o verão.

[29] Assim, também vós: quando virdes acontecer estas coisas, sabei que está próximo, às portas.

[30] Em verdade vos digo que não passará esta geração sem que tudo isto aconteça.

[31] Passará o céu e a terra, porém as minhas palavras não passarão.

[32] Mas a respeito daquele dia ou da hora ninguém sabe; nem os anjos no céu, nem o Filho, senão o Pai.

[33] Estai de sobreaviso, vigiai [e orai]; porque não sabeis quando será o tempo.

[34] É como um homem que, ausentando-se do país, deixa a sua casa, dá autoridade aos seus servos, a cada um a sua obrigação, e ao porteiro ordena que vigie.

[35] Vigiai, pois, porque não sabeis quando virá o dono da casa: se à tarde, se à meia-noite, se ao cantar do galo, se pela manhã;

[36] para que, vindo ele inesperadamente, não vos ache dormindo.

[37] O que, porém, vos digo, digo a todos: vigiai!

Marcos 14

O plano para tirar a vida de Jesus
Mateus 26.1-5; Lucas 22.1-2

Parabal an Chrann Fígí

[28]“Ach ón gcrann fígí foghlaimígí an parabal. Nuair a bhíonn an ghéag úr agus í ag cur na mbachlóg amach, bíonn a fhios agaibh an samhradh a bheith in achmaireacht.

[29]Amhlaidh sin daoibh, nuair a fheicfidh sibh na nithe seo ag titim amach, bíodh a fhios agaibh go bhfuil sé in achmaireacht, ar an tairseach.

[30]Deirim libh go fírinneach, ní imeoidh an ghlúin seo gan na nithe seo uile a bheith tagtha chun cinn.

[31]Imeoidh neamh agus talamh, ach ní imeoidh mo bhriathrasa choíche.

Ní Foláir bheith ag Faire

[32]“Ach mar gheall ar an lá sin agus ar an uair, níl a fhios ag duine ar bith, fiú ag na haingil sna flaithis, ná ag an Mac, ach ag an Athair.

[33]Bígí aireach, déanaigí faire, mar níl a fhios agaibh cén uair a bheidh an t-am ann.

[34]Is é dála duine é a d'fhág a theach agus a d'imigh ar an gcoigríoch; thug sé an t-údarás dá sclábhaithe, gach duine díobh i mbun a chúraim féin; agus d'ordaigh sé don doirseoir faire a dhéanamh.

[35]Déanaigí faire, dá bhrí sin, mar ní fios daoibh cén uair a thiocfaidh tiarna an tí, um thráthnóna, i lár na hoíche, ar ghlao an choiligh, nó ar maidin.

[36]Má thagann sé gan choinne, ná faigheadh sé sibh in bhur gcodladh.

[37]An rud a deirim libhse, deirim le gach duine é: Déanaigí faire.”

Marcas 14

Comhcheilg in aghaidh Íosa

[1] Dali a dois dias, era a Páscoa e a Festa dos Pães Asmos; e os principais sacerdotes e os escribas procuravam como o prenderiam, à traição, e o matariam.

[2] Pois diziam: Não durante a festa, para que não haja tumulto entre o povo.

Jesus ungido em Betânia

Mateus 26.6-13; João 12.1-8

[3] Estando ele em Betânia, reclinado à mesa, em casa de Simão, o leproso, veio uma mulher trazendo um vaso de alabastro com preciosíssimo perfume de nardo puro; e, quebrando o alabastro, derramou o bálsamo sobre a cabeça de Jesus.

[4] Indignaram-se alguns entre si e diziam: Para que este desperdício de bálsamo?

[5] Porque este perfume poderia ser vendido por mais de trezentos denários e dar-se aos pobres. E murmuravam contra ela.

[6] Mas Jesus disse: Deixai-a; por que a molestais? Ela praticou boa ação para comigo.

[7] Porque os pobres, sempre os tendes convosco e, quando quiserdes, podeis fazer-lhes bem, mas a mim nem sempre me tendes.

[8] Ela fez o que pôde: antecipou-se a ungir-me para a sepultura.

[9] Em verdade vos digo: onde for pregado em todo o mundo o evangelho, será também contado o que ela fez, para memória sua.

O pacto da traição

Mateus 26.14-16; Lucas 22.3-6

[1]Bhí an Cháisc agus féile an tSlimaráin faoi cheann dhá lá, agus bhí uachtaráin na sagart agus na scríobhaithe ag cuardach, féachaint conas a dhéanfaidís Íosa a ghabháil trí cheilg agus é a chur chun báis;

[2]óir deiridís: “Ní ar an bhféile é, le heagla go dtógfaí callán i measc an phobail.”

An tUngadh i mBeátáine: Feall Iúdáis

[3]Nuair a bhí Íosa i mBeátáine, i dteach Shíomóin, an lobhar, agus é ag bord, tháinig bean le próicín alabastair d'ola nard dhílis mhórluaigh; bhris sí an próicín alabastair, agus dhoirt sí an ola ar a cheann.

[4]Bhí daoine ann a raibh mícheádfa acu agus dúirt siad le chéile: “Cén fáth an diomailt ola seo?

[5]Ba fhéidir an ola seo a dhíol ar bhreis agus trí chéad déanar agus an t-airgead a thabhairt do na boicht.” Agus bhí siad ag casaoid léi.

[6]Ach dúirt Íosa: “Ligigí di! Cén fáth a bhfuil sibh ag déanamh cros di?

[7]Óir is dea-obair í sin atá déanta aici orm; óir bíonn na boicht in bhur measc agaibh i gcónaí, agus féadann sibh maith a dhéanamh dóibh nuair is áil libh; ach nílimse le bheith agaibh i gcónaí.

[8]A raibh ar a cumas, rinne sí é; chuir sí ola roimh ré ar mo chorp chun a adhlactha.

[9]Deirim libh go fírinneach, cibé áit ina gcraobhscaoilfear an soiscéal seo ar fud an domhain go léir, déanfar trácht ar a ndearna sise freisin mar chuimhneamh uirthi.”

[10] E Judas Iscariotes, um dos doze, foi ter com os principais sacerdotes, para lhes entregar Jesus.

[11] Eles, ouvindo-o, alegraram-se e lhe prometeram dinheiro; nesse meio tempo, buscava ele uma boa ocasião para o entregar.

Os discípulos preparam a Páscoa
Mateus 26.17-19; Lucas 22.7-13

[12] E, no primeiro dia da Festa dos Pães Asmos, quando se fazia o sacrifício do cordeiro pascal, disseram-lhe seus discípulos: Onde queres que vamos fazer os preparativos para comeres a Páscoa?

[13] Então, enviou dois dos seus discípulos, dizendo-lhes: Ide à cidade, e vos sairá ao encontro um homem trazendo um cântaro de água;

[14] segui-o e dizei ao dono da casa onde ele entrar que o Mestre pergunta: Onde é o meu aposento no qual hei de comer a Páscoa com os meus discípulos?

[15] E ele vos mostrará um espaçoso cenáculo mobilado e pronto; ali fazei os preparativos.

[16] Saíram, pois, os discípulos, foram à cidade e, achando tudo como Jesus lhes tinha dito, prepararam a Páscoa.

O traidor é indicado
Mateus 26.20-25

[17] Ao cair da tarde, foi com os doze.

[18] Quando estavam à mesa e comiam, disse Jesus: Em verdade vos digo que um dentre vós, o que come comigo, me trairá.

[10]Agus chuaigh Iúdás Isceiriót, duine den dáréag, go dtí uachtaráin na sagart chun é a thabhairt ar láimh dóibh.

[11]Nuair a d'airigh siad é bhí áthas orthu agus gheall siad airgead a thabhairt dó; agus bhí sé ag faire ar dheis chun é a thabhairt ar láimh.

Ullmhú don Cháisc

[12]Ar an gcéad lá d'fhéile an tSlimaráin, nuair ba ghnách leo an cháisc a íobairt, dúirt a dheisceabail leis: “Cárbh áil leat go rachaimis agus ullmhú duit chun an cháisc a ithe?”

[13]Chuir sé uaidh beirt dá dheisceabail agus dúirt sé leo: “Téigí isteach sa chathair, agus buailfidh fear libh agus próca uisce aige á bhreith leis.

[14]Leanaigí é agus cibé áit a dtéann sé isteach, abraigí le fear an tí ‘Deir an máistir: Cá bhfuil mo sheomra aíochta go n-ithinn an cháisc in éineacht le mo dheisceabail? ’

[15]Agus taispeánfaidh sé daoibh seomra mór in airde staighre, é feistithe ullamh. Déanaigí an réiteach ansiúd dúinn.”

[16]D'imigh na deisceabail leo agus tháinig siad isteach sa chathair, agus fuair siad mar a dúirt sé leo, agus d'ullmhaigh siad an cháisc.

Tá Duine Díbh chun mé a Bhrath

[17]Nuair a bhí an tráthnóna ann, tháinig sé leis an dáréag.

[18]Agus nuair a bhí siad ina suí ag ithe, dúirt Íosa: “Deirim libh go fírinneach: tá duine agaibh atá ag ithe in éineacht liom a bhraithfidh mé.”

[19] E eles começaram a entristecer-se e a dizer-lhe, um após outro: Porventura, sou eu?

[20] Respondeu-lhes: É um dos doze, o que mete comigo a mão no prato.

[21] Pois o Filho do Homem vai, como está escrito a seu respeito; mas ai daquele por intermédio de quem o Filho do Homem está sendo traído! Melhor lhe fora não haver nascido!

A Ceia do Senhor

Mateus 26.26-30; Lucas 22.19-23; 1 Coríntios 11.23-25

[22] E, enquanto comiam, tomou Jesus um pão e, abençoando-o, o partiu e lhes deu, dizendo: Tomai, isto é o meu corpo.

[23] A seguir, tomou Jesus um cálice e, tendo dado graças, o deu aos seus discípulos; e todos beberam dele.

[24] Então, lhes disse: Isto é o meu sangue, o sangue da [nova] aliança, derramado em favor de muitos.

[25] Em verdade vos digo que jamais beberei do fruto da videira, até àquele dia em que o hei de beber, novo, no reino de Deus.

[26] Tendo cantado um hino, saíram para o monte das Oliveiras.

Pedro é avisado

Mateus 26.31-35; Lucas 22.31-34; João 13.36-38

[27] Então, lhes disse Jesus: Todos vós vos escandalizareis, porque está escrito: Ferirei o pastor, e as ovelhas ficarão dispersas.

[28] Mas, depois da minha ressurreição, irei adiante de vós para a Galiléia.

[19]Tháinig buaireamh orthu agus thosaigh siad ar a fhiafraí de, ina nduine is ina nduine: “An mise é?”

[20]Dúirt sé leo: “Duine den dáréag é, duine a thumann a lámh sa mhias i mo theannta.

[21]Sea, tá Mac an Duine ag imeacht, de réir mar atá scríofa mar gheall air; ach is mairg don duine úd trína mbraitear Mac an Duine! B'fhearr don duine sin nach mbéarfaí riamh é.”

Bunú na Naomh-shacraiminte

[22]Le linn dóibh a bheith ag ithe, thóg Íosa arán, agus ar a bheannú dó, bhris agus thug dóibh é agus dúirt: “Tógaigí; is é seo mo chorp.”

[23]Agus thóg sé an cupa, agus ar altú dó, thug dóibh é, agus d'ól siad go léir as.

[24]Agus dúirt sé leo: “Is í seo m'fhuilse an tiomna, atá le doirteadh ar son a lán.

[25]Deirim libh go fírinneach, nach n-ólfaidh mé den sú seo na fíniúna a thuilleadh go dtí an lá sin nuair a ólfaidh mé ina fhíon nua é i ríocht Dé.”

Rabhadh do Pheadar

[26]Tar éis dóibh an t-iomann a chanadh, chuaigh siad amach go Cnoc na nOlóg.

[27]Agus dúirt Íosa leo: “Glacfaidh sibh uile scannal, óir tá scríofa: ‘Buailfidh mé an t-aoire agus scaipfear na caoirigh.’

[28]Ach tar éis dom éirí, rachaidh mé romhaibh go dtí an Ghailíl.”

[29] Disse-lhe Pedro: Ainda que todos se escandalizem, eu, jamais!

[30] Respondeu-lhe Jesus: Em verdade te digo que hoje, nesta noite, antes que duas vezes cante o galo, tu me negarás três vezes.

[31] Mas ele insistia com mais veemência: Ainda que me seja necessário morrer contigo, de nenhum modo te negarei. Assim disseram todos.

Jesus no Getsêmani

Mateus 26.36-46; Lucas 22.39-46

[32] Então, foram a um lugar chamado Getsêmani; ali chegados, disse Jesus a seus discípulos: Assentai-vos aqui, enquanto eu vou orar.

[33] E, levando consigo a Pedro, Tiago e João, começou a sentir-se tomado de pavor e de angústia.

[34] E lhes disse: A minha alma está profundamente triste até à morte; ficai aqui e vigiai.

[35] E, adiantando-se um pouco, prostrou-se em terra; e orava para que, se possível, lhe fosse poupada aquela hora.

[36] E dizia: Aba, Pai, tudo te é possível; passa de mim este cálice; contudo, não seja o que eu quero, e sim o que tu queres.

[37] Voltando, achou-os dormindo; e disse a Pedro: Simão, tu dormes? Não pudeste vigiar nem uma hora?

[38] Vigiai e orai, para que não entreis em tentação; o espírito, na verdade, está pronto, mas a carne é fraca.

[29]Ach dúirt Peadar leis: “Siúd is go nglacfaidh các scannal, ní ghlacfaidh mise.”

[30]Agus dúirt Íosa leis: “Deirim leat go fírinneach, sa lá seo againn, anocht féin, roimh ghlaoch don choileach faoi dhó, séanfaidh tú mé faoi thrí.”

[31]Ach is mar sin is déine a labhair sé: “Más ea féin go gcaithfidh mé bás a fháil in éineacht leat, ní shéanfaidh mé thú.” Agus dúirt siad uile an rud céanna.

Guí Íosa sa Ghairdín

[32]Tháinig siad go dtí áit ar a dtugtar Geitséamainí agus dúirt sé lena dheisceabail: “Fuirígí anseo fad a bheidh mé ag guí.”

[33]Rug sé leis Peadar agus Séamas agus Eoin agus thosaigh sé ar bheith go critheaglach agus in anbhuain.

[34]Agus dúirt sé leo: “Tá buaireamh mór ar m'anam go pointí báis. Fanaigí anseo agus bígí ag faire.”

[35]Chuaigh sé ar aghaidh tamall agus chaith é féin ar an talamh, agus ghuigh go ngabhfadh an uair thairis, dá mb'fhéidir é, agus dúirt sé:

[36]“Abba, a Athair, tá gach ní ar do chumas. Tóg an cupa seo uaim. Ach ná bíodh mar is toil liomsa ach mar is toil leatsa.”

[37]Agus tháinig sé agus fuair ina gcodladh iad, agus dúirt sé le Peadar: “A Shíomóin, an i do chodladh atá tú? Nár fhéad tú faire aon uaire a dhéanamh?

[38]Bígí ag faire agus ag guí ionas nach rachadh sibh i gcathú. Tá an spiorad fonnmhar ach tá an cholainn fann.”

[39] Retirando-se de novo, orou repetindo as mesmas palavras.

[40] Voltando, achou-os outra vez dormindo, porque os seus olhos estavam pesados; e não sabiam o que lhe responder.

[41] E veio pela terceira vez e disse-lhes: Ainda dormis e repousais! Basta! Chegou a hora; o Filho do Homem está sendo entregue nas mãos dos pecadores.

[42] Levantai-vos, vamos! Eis que o traidor se aproxima.

Jesus é preso

Mateus 26.47-56; Lucas 22.47-53; João 18.1-11

[43] E logo, falava ele ainda, quando chegou Judas, um dos doze, e com ele, vinda da parte dos principais sacerdotes, escribas e anciãos, uma turba com espadas e porretes.

[44] Ora, o traidor tinha-lhes dado esta senha: Aquele a quem eu beijar, é esse; prendei-o e levai-o com segurança.

[45] E, logo que chegou, aproximando-se, disse-lhe: Mestre! E o beijou.

[46] Então, lhe deitaram as mãos e o prenderam.

[47] Nisto, um dos circunstantes, sacando da espada, feriu o servo do sumo sacerdote e cortou-lhe a orelha.

[48] Disse-lhes Jesus: Saístes com espadas e porretes para prender-me, como a um salteador?

[49] Todos os dias eu estava convosco no templo, ensinando, e não me prendestes;

[39]Agus d'imigh sé arís agus ghuigh sé ag rá na bhfocal céanna.

[40]Tháinig sé arís agus fuair ina gcodladh iad mar bhí a súile trom; agus ní raibh a fhios acu cén freagra a thabharfaidís air.

[41]Tháinig sé den tríú huair agus dúirt leo: “Codlaígí libh feasta, agus glacaigí bhur suaimhneas. Ní beag sin! Tá an t-am tagtha. Féach, tá Mac an Duine le tabhairt ar láimh do pheacaigh.

[42]Éirígí! Bímis ag gluaiseacht. Seo chugainn fear mo bhraite.”

Íosa á Ghabháil

[43]Sula raibh an focal as a bhéal, tháinig Iúdás, duine den dáréag agus slua lena chois a raibh claimhte agus bataí acu, ag teacht ó uachtaráin na sagart, agus ó na scríobhaithe, agus ó na seanóirí.

[44]Bhí an comhartha ag fear a bhraite dóibh. “An duine a bpógfaidh mé é,” ar seisean leo, “sin é é. Gabhaigí é, agus tugaigí libh é go haireach.”

[45]Tháinig sé agus rinne anonn ar Íosa gan stad; “A Raibí,” ar seisean leis, agus phóg sé é.

[46]Leag siad siúd a lámha air agus ghabh siad é.

[47]Ach duine dá raibh ina sheasamh ansiúd, tharraing sé a chlaíomh, agus bhuail seirbhíseach an ardsagairt agus bhain an chluas de.

[48]Dúirt Íosa leo á bhfreagairt: “An robálaí mé gur ghluais sibh amach mar seo le claimhte agus le bataí chun breith orm?

[49]Bhínn in bhur measc gach lá ag teagasc sa Teampall agus ní dhearna sibh mé a ghabháil.

contudo, é para que se cumpram as Escrituras.

[50] Então, deixando-o, todos fugiram.

[50]Ach is chun go gcomhlíonfaí na scrioptúir é.” Agus thug siad uile a gcúl leis agus theith.

Jesus seguido por um jovem

[51] Seguia-o um jovem, coberto unicamente com um lençol, e lançaram-lhe a mão.

[51]Fear óg a bhí á leanúint, ní raibh air ach brat línéadaigh.

[52] Mas ele, largando o lençol, fugiu desnudo.

[52]Rug siad air, ach lig sé an brat leo agus rith uathu agus é nocht.

Jesus perante o Sinédrio

Mateus 26.57-68; Lucas 22.63-71

Íosa i Láthair na Sainidríne

[53] E levaram Jesus ao sumo sacerdote, e reuniram-se todos os principais sacerdotes, os anciãos e os escribas.

[53]Sheol siad Íosa leo go dtí an t-ardsagart, agus chruinnigh uachtaráin na sagart agus na seanóirí agus na scríobhaithe le chéile ansiúd.

[54] Pedro seguira-o de longe até ao interior do pátio do sumo sacerdote e estava assentado entre os serventuários, aquentando-se ao fogo.

[54]Lean Peadar é, i bhfad uaidh, isteach i gcúirt an ardsagairt, agus bhí sé ina shuí i measc na seirbhíseach, agus é á théamh féin leis an tine.

[55] E os principais sacerdotes e todo o Sinédrio procuravam algum testemunho contra Jesus para o condenar à morte e não achavam.

[55]Agus bhí uachtaráin na sagart agus an tsainidrín uile ag lorg fianaise in aghaidh Íosa d'fhonn é chur chun báis, ach ní fhuair siad.

[56] Pois muitos testemunhavam falsamente contra Jesus, mas os depoimentos não eram coerentes.

[56]Óir bhí a lán ag tabhairt fianaise bhréige ina choinne, ach ní raibh a bhfianaise ag réiteach.

[57] E, levantando-se alguns, testificavam falsamente, dizendo:

[57]Agus d'éirigh daoine éigin agus thug siad fianaise bhréige ina aghaidh á rá:

[58] Nós o ouvimos declarar: Eu destruirei este santuário edificado por mãos humanas e, em três dias, construirei outro, não por mãos humanas.

[58]“Chualamarna é á rá: ‘An teampall seo a rinneadh le lámha daonna, leagfaidh mé é, agus faoi chionn trí lá tógfaidh mé ceann eile nach le lámha daoine a dhéanfar.’ ”

[59] Nem assim o testemunho deles era coerente.

[59]Ach níor réitigh a bhfianáise fiú sa mhéid sin.

[60] Levantando-se o sumo sacerdote, no meio, perguntou a Jesus: Nada respondes ao que estes depõem contra ti?

[60]Agus d'éirigh an t-ardsagart i lár baill agus chuir sé ceist chun Íosa, á rá: “Nach bhfuil aon fhreagra ar bith agat? Cad atá acu seo á dhearbhú ort?”

[61] Ele, porém, guardou silêncio e nada respondeu. Tornou a interrogá-lo o sumo sacerdote e lhe disse: És tu o Cristo, o Filho do Deus Bendito?

[62] Jesus respondeu: Eu sou, e vereis o Filho do Homem assentado à direita do Todo-Poderoso e vindo com as nuvens do céu.

[63] Então, o sumo sacerdote rasgou as suas vestes e disse: Que mais necessidade temos de testemunhas?

[64] Ouvistes a blasfêmia; que vos parece? E todos o julgaram réu de morte.

[65] Puseram-se alguns a cuspir nele, a cobrir-lhe o rosto, a dar-lhe murros e a dizer-lhe: Profetiza! E os guardas o tomaram a bofetadas.

Pedro nega a Jesus

Mateus 26.69-75; Lucas 22.54-62; João 18.15-18,25-27

[66] Estando Pedro embaixo no pátio, veio uma das criadas do sumo sacerdote

[67] e, vendo a Pedro, que se aquentava, fixou-o e disse: Tu também estavas com Jesus, o Nazareno.

[68] Mas ele o negou, dizendo: Não o conheço, nem compreendo o que dizes. E saiu para o alpendre. [E o galo cantou.]

[69] E a criada, vendo-o, tornou a dizer aos circunstantes: Este é um deles.

[70] Mas ele outra vez o negou. E, pouco depois, os que ali estavam disseram a Pedro: Verdadeiramente, és um deles, porque também tu és galileu.

[61]Ach d'fhan sé ina thost agus níor thug sé aon fhreagra. Chuir an t-ardsagart ceist chuige arís agus dúirt sé leis: “An tú an Críost, Mac an Bheannaithe?”

[62]Dúirt Íosa leis: “Is mé; agus feicfidh sibh Mac an Duine ina shuí ar dheis na Cumhachta agus é ag teacht le scamaill na bhflaitheas.”

[63]Stróic an t-ardsagart a róbaí: “Cad is gá dúinn a thuilleadh d'fhinnéithe?” ar sé, “chuala sibh an diamhasla. Cad é bhur mbarúil?”

[64]Agus thug siad go léir de dhaorbhreith air go raibh an bás tuillte aige.

[65]Agus thosaigh cuid acu ar sheilí a chaitheamh air, agus ar dhallóg a chur ar a aghaidh, agus é a bhualadh, agus a rá leis: “Bí ag tairngreacht!” Agus ghabh na seirbhísigh de bhuillí air.

Séanann Peadar Íosa

[66]Nuair a bhí Peadar laistíos sa chúirt, tháinig duine de chailíní aimsire an ardsagairt,

[67]agus nuair a chonaic sí Peadar á théamh féin, d'fhéach sí go géar air agus dúirt leis: “Bhí tusa freisin in éineacht le hÍosa an Nazairéanach.”

[68]Ach shéan sé é, á rá: “Ní eol dom, ní thuigim cad a deir tú.” Agus d'imigh sé amach sa réamhchúirt agus ghlaoigh an coileach.

[69]Chonaic an cailín aimsire é agus thosaigh ar a rá arís leis na daoine a bhí ina seasamh timpeall: “Is duine díobh é seo.”

[70]Ach shéan sé arís. Tar éis tamaill bhig dúirt na daoine a bhí ina seasamh timpeall arís le Peadar: “Go dearfa is duine díobh sin tusa, mar is Gailíleach tú ar ndóigh.”

[71] Ele, porém, começou a praguejar e a jurar: Não conheço esse homem de quem falais!

[72] E logo cantou o galo pela segunda vez. Então, Pedro se lembrou da palavra que Jesus lhe dissera: Antes que duas vezes cante o galo, tu me negarás três vezes. E, caindo em si, desatou a chorar.

[71]Ach thosaigh sé ag eascaine agus ag tabhairt na mionn: “Níl aithne agam ar an duine seo a deir sibh.”

[72]Agus láithreach ghlaoigh an coileach den dara huair; agus ba chuimhin le Peadar an focal a dúirt Íosa leis: “Roimh ghlaoch don choileach faoi dhó, séanfaidh tú mé faoi thrí.” Agus bhris an gol air.

Marcos 15

Jesus perante Pilatos

Mateus 27.1-2,11-26; Lucas 23.1-7,13-25; João 18.28—19.16

[1] Logo pela manhã, entraram em conselho os principais sacerdotes com os anciãos, os escribas e todo o Sinédrio; e, amarrando a Jesus, levaram-no e o entregaram a Pilatos.

[2] Pilatos o interrogou: És tu o rei dos judeus? Respondeu Jesus: Tu o dizes.

[3] Então, os principais sacerdotes o acusavam de muitas coisas.

[4] Tornou Pilatos a interrogá-lo: Nada respondes? Vê quantas acusações te fazem!

[5] Jesus, porém, não respondeu palavra, a ponto de Pilatos muito se admirar.

[6] Ora, por ocasião da festa, era costume soltar ao povo um dos presos, qualquer que eles pedissem.

[7] Havia um, chamado Barrabás, preso com amotinadores, os quais em um tumulto haviam cometido homicídio.

[8] Vindo a multidão, começou a pedir que lhes fizesse como de costume.

Marcas 15

Íosa i Láthair Phioláit

[1]Ar maidin bhí a gcomhairle ullamh gan mhoill ag uachtaráin na sagart fara na seanóirí agus na scríobhaithe - an tsainidrín uile. Tar éis dóibh Íosa a cheangal, thug siad leo é agus thug ar láimh é do Phioláit.

[2]D'fhiafraigh Pioláit de: “An tusa Rí na nGiúdach?” Dúirt sé leis á fhreagairt: “Tá sé ráite agat.”

[3]Agus chuir uachtaráin na sagart a lán ina leith.

[4]D'fhiafraigh Pioláit de arís: “Nach bhfuil aon fhreagra agat á thabhairt? Féach a bhfuil acu á gcur i do leith!”

[5]Ach níor thug Íosa freagra ar bith eile, rud a chuir ionadh ar Phioláit.

[6]Le linn na féile ba bhéas leis príosúnach, an té a lorgaídís, a scaoileadh saor.

[7]Agus bhí fear darbh ainm Barabas ar láimh an uair sin leis an lucht ceannairce, dream a raibh dúnmharú déanta acu sa cheannairc.

[8]Chuaigh an slua suas dá bhrí sin agus thosaigh siad ar a iarraidh air déanamh dóibh mar ba ghnách.

[9] E Pilatos lhes respondeu, dizendo: Quereis que eu vos solte o rei dos judeus?

[10] Pois ele bem percebia que por inveja os principais sacerdotes lho haviam entregado.

[11] Mas estes incitaram a multidão no sentido de que lhes soltasse, de preferência, Barrabás.

[12] Mas Pilatos lhes perguntou: Que farei, então, deste a quem chamais o rei dos judeus?

[13] Eles, porém, clamavam: Crucifica-o!

[14] Mas Pilatos lhes disse: Que mal fez ele? E eles gritavam cada vez mais: Crucifica-o!

[15] Então, Pilatos, querendo contentar a multidão, soltou-lhes Barrabás; e, após mandar açoitar a Jesus, entregou-o para ser crucificado.

Jesus entregue aos soldados

Mateus 27.27-31

[16] Então, os soldados o levaram para dentro do palácio, que é o pretório, e reuniram todo o destacamento.

[17] Vestiram-no de púrpura e, tecendo uma coroa de espinhos, lha puseram na cabeça.

[18] E o saudavam, dizendo: Salve, rei dos judeus!

[19] Davam-lhe na cabeça com um caniço, cuspiam nele e, pondo-se de joelhos, o adoravam.

[20] Depois de o terem escarnecido, despiram-lhe a púrpura e o vestiram com as suas próprias vestes. Então, conduziram Jesus para fora, com o fim de o crucificarem.

Simão leva a cruz de Jesus

[9]D'fhreagair Pioláit iad á rá: “An mian libh go scaoilfinn saor chugaibh Rí na nGiúdach?”

[10]Óir bhí fhios aige gur formad faoi deara do uachtaráin na sagart é a thabhairt ar láimh.

[11]Ach spreag uachtaráin na sagart an slua chun gurbh é Barabas seachas eisean a scaoilfeadh sé saor chucu.

[12]Agus dúirt Pioláit leo arís á bhfreagairt: “Más ea, cad a dhéanfaidh mé leis an té ar a dtugann sibh Rí na nGiúdach?”

[13]Scread siad arís: “Céas é!”

[14]Dúirt Pioláit leo: “Ach, cén t-olc a rinne sé?” Ach is ea ba mhó a scread siad: “Céas é!”

[15]Agus chun an slua a shásamh, scaoil sé Barabas saor chucu ach rinne sé Íosa a sciúrsáil agus a thabhairt suas chun go gcéasfaí é.

An Choróin Dheilgneach

[16]Rug na saighdiúirí leo é isteach sa taobh istigh den chúirt, is é sin an préatóiriam, agus ghlaoigh siad an cathlán go léir le chéile.

[17]Chuir siad brat corcra uime, agus rinne siad coróin dheilgneach a fhí agus a chur air.

[18]Agus thosaigh siad ar bheannú dó: “Sé do bheatha, a Rí na nGiúdach!”

[19]Agus bhí siad á bhualadh sa cheann le giolcach agus ag caitheamh seilí air, agus ag teacht ar a nglúine ag déanamh ómóis dó.

[20]Agus tar éis dóibh fonóid a dhéanamh faoi, bhain siad de an brat corcra, agus chuir siad a chuid éadaigh féin air.

An Céasadh

Mateus 27.32; Lucas 23.26

[21] E obrigaram a Simão Cireneu, que passava, vindo do campo, pai de Alexandre e de Rufo, a carregar-lhe a cruz.

Agus sheol siad amach é chun é a chéasadh.
[21]Agus duine a bhí ag gabháil an bhóthair, ag teacht ón tuath, Síomón, Cuiréanach, athair Alastair agus Rufus, chuir siad d'fhiacha air a chros a iompar.

A crucificação

Mateus 27.33-44; Lucas 23.33-43; João 19.17-24

[22] E levaram Jesus para o Gólgota, que quer dizer Lugar da Caveira.

[22]Agus rug siad leo é go dtí an áit Golgotá - a chiallaíonn Áit an Chloiginn.

[23] Deram-lhe a beber vinho com mirra; ele, porém, não tomou.

[23]Agus bhí fíon, a raibh miorr tríd, á thabhairt acu dó, ach níor ghlac sé é.

[24] Então, o crucificaram e repartiram entre si as vestes dele, lançando-lhes sorte, para ver o que levaria cada um.

[24]Chéas siad é agus roinn siad a chuid éadaigh eatarthu, á gcur ar chrainn féachaint cén balla bhéarfadh gach duine.

[25] Era a hora terceira quando o crucificaram.

[25]Ba é an tríú huair é nuair a chéas siad é.

[26] E, por cima, estava, em epígrafe, a sua acusação: O REI DOS JUDEUS.

[26]Agus bhí inscríbhinn a chúise scríofa: “Rí na nGiúdach.”

[27] Com ele crucificaram dois ladrões, um à sua direita, e outro à sua esquerda.

[27]Agus chéas siad beirt robálaithe mar aon leis, duine acu ar a dheis agus duine acu ar a chlé.

[28] [E cumpriu-se a Escritura que diz: Com malfeitores foi contado.]

[28]Agus comhlíonadh an scrioptúr a deir: “Cuireadh ar aon bhuíon leis na mallaitheoirí é.”

[29] Os que iam passando, blasfemavam dele, meneando a cabeça e dizendo: Ah! Tu que destróis o santuário e, em três dias, o reedificas!

[29]Bhí lucht an bhealaigh ag tabhairt achasáin dó, ag croitheadh a gceann agus ag rá: “Ahá! Tusa a leagfadh Teampall Dé agus a thógfadh é i dtrí lá!

[30] Salva-te a ti mesmo, descendo da cruz!

[30]Saor thú féin! tar anuas ón gcros!”

[31] De igual modo, os principais sacerdotes com os escribas, escarnecendo, entre si diziam: Salvou os outros, a si mesmo não pode salvar-se;

[31]Bhí uachtaráin na sagart ag fonóid faoi sa tslí chéanna eatarthu féin, in éineacht leis na scríobhaithe. “Shaor sé daoine eile,” a deiridís, “ní féidir leis é féin a shaoradh.

[32] desça agora da cruz o Cristo, o rei de Israel, para que vejamos e creiamos. Também os que com ele foram crucificados o insultavam.

[32]Tagadh an Críost, Rí Iosrael, anuas ón gcros feasta chun go bhfeicfimis agus go gcreidfimis.” Iad seo a bhí á gcéasadh mar aon leis, bhí siad á aithisiú freisin.

A morte de Jesus
Mateus 27.45-56; Lucas 23.44-49; João 19.28-30

33 Chegada a hora sexta, houve trevas sobre toda a terra até a hora nona.

34 À hora nona, clamou Jesus em alta voz: Eloí, Eloí, lamá sabactâni? Que quer dizer: Deus meu, Deus meu, por que me desamparaste?

35 Alguns dos que ali estavam, ouvindo isto, diziam: Vede, chama por Elias!

36 E um deles correu a embeber uma esponja em vinagre e, pondo-a na ponta de um caniço, deu-lhe de beber, dizendo: Deixai, vejamos se Elias vem tirá-lo!

37 Mas Jesus, dando um grande brado, expirou.

38 E o véu do santuário rasgou-se em duas partes, de alto a baixo.

39 O centurião que estava em frente dele, vendo que assim expirara, disse: Verdadeiramente, este homem era o Filho de Deus.

40 Estavam também ali algumas mulheres, observando de longe; entre elas, Maria Madalena, Maria, mãe de Tiago, o menor, e de José, e Salomé;

41 as quais, quando Jesus estava na Galiléia, o acompanhavam e serviam; e, além destas, muitas outras que haviam subido com ele para Jerusalém.

O sepultamento de Jesus
Mateus 27.57-61; Lucas 23.50-56; João 19.38-42

42 Ao cair da tarde, por ser o dia da preparação, isto é, a véspera do sábado,

Bás Chríost

33Nuair a tháinig an séú huair, luigh dorchadas ar an talamh go léir go dtí an naoú huair.

34Agus ar an naoú huair d'éigh Íosa de ghlór ard: “Elóí, Elóí, lamá sabachthaní?” a chiallaíonn: “A Dhia, a Dhia, cén fáth ar threig tú mé?”

35Dúirt cuid dá raibh ina seasamh timpeall ar a chloisteáil sin dóibh: “Feach, tá sé ag glaoch ar Éilias.”

36Rith duine agus thum sé spúinse i bhfínéagar, chuir ar bharr giolcaí é agus thug deoch dó ag rá: “Fanaigí go bhfeicfimid an dtiocfaidh Éilias chun é thógáil anuas.”

37Ach ghlaoigh Íosa de ghuth ard agus shíothlaigh sé.

38Agus réabadh brat an Teampaill ina dhó ó bhun go barr.

39An taoiseach céad a bhí ina sheasamh os a chomhair, chonaic sé mar a shíothlaigh sé amhlaidh sin agus dúirt sé: “Go dearfa ba é Mac Dé an duine sin.”

40Bhí mná ann agus iad i bhfad uaidh ag breathnú. Bhí Máire Mhaigdiléana orthu, agus Máire máthair Shéamais Bhig agus Iósaef, agus Salómae.

41Bhídís seo á leanuint agus ag freastal air nuair a bhí sé sa Ghailíl. Agus bhí a lán ban eile ann a bhí tagtha suas go Iarúsailéim in éineacht leis.

Íosa á Adhlacadh

42Agus nuair a bhí an tráthnóna cheana féin ann, ós rud é gurb é Lá an Ullmhaithe é (is é sin an lá roimh an tsabóid)

[43] vindo José de Arimatéia, ilustre membro do Sinédrio, que também esperava o reino de Deus, dirigiu-se resolutamente a Pilatos e pediu o corpo de Jesus.

[44] Mas Pilatos admirou-se de que ele já tivesse morrido. E, tendo chamado o centurião, perguntou-lhe se havia muito que morrera.

[45] Após certificar-se, pela informação do comandante, cedeu o corpo a José.

[46] Este, baixando o corpo da cruz, envolveu-o em um lençol que comprara e o depositou em um túmulo que tinha sido aberto numa rocha; e rolou uma pedra para a entrada do túmulo.

[47] Ora, Maria Madalena e Maria, mãe de José, observaram onde ele foi posto.

[43]tháinig Iósaef ó Aramatáia, ball creidiúnach den chomhairle, fear a bhí, é féin, ag súil le ríocht Dé; agus chuaigh sé isteach go dána go dtí Pioláit agus d'iarr corp Íosa air.

[44]Bhí ionadh ar Phioláit é a bheith marbh cheana féin, agus ghlaoigh sé chuige an taoiseach céad agus d'fhiafraigh de an raibh sé marbh cheana féin.

[45]Nuair a bhí a fhios sin aige ón taoiseach céad, cheadaigh sé an corp a thabhairt do Iósaef.

[46]Cheannaigh Iósaef línéadach agus thóg anuas den chrois é agus d'fhill sa línéadach é agus chuir é i dtuama a bhí gearrtha as carraig, agus d'iompaigh cloch mhór le béal an tuama.

[47]Bhí Máire Mhaigdiléana, agus Máire máthair Iósaef ag breathnú ar cár cuireadh é.

Marcos 16

A ressurreição de Jesus

Mateus 28.1-10; Lucas 24.1-12; João 20.1-10

[1] Passado o sábado, Maria Madalena, Maria, mãe de Tiago, e Salomé, compraram aromas para irem embalsamá-lo.

[2] E, muito cedo, no primeiro dia da semana, ao despontar do sol, foram ao túmulo.

[3] Diziam umas às outras: Quem nos removerá a pedra da entrada do túmulo?

[4] E, olhando, viram que a pedra já estava removida; pois era muito grande.

Marcas 16

An Tuama Folamh: an tAingeal

[1]Nuair a bhí an tsabóid thart, cheannaigh Máire Mhaigdiléana, Máire máthair Shéamais, agus Salómae, spíosraí chun dul agus é a ungadh.

[2]Agus an-mhoch ar an gcéad lá den tseachtain, agus an ghrian ina suí, tháinig siad go dtí an tuama.

[3]Agus bhí siad á rá le chéile: “Cé a iompóidh an chloch siar dúinn ó bhéal an tuama?”

[4]Ach nuair a d'fhéach siad, chonaic siad go raibh an chloch iompaithe siar. Bhí sí an-mhór.

[5] Entrando no túmulo, viram um jovem assentado ao lado direito, vestido de branco, e ficaram surpreendidas e atemorizadas.

[6] Ele, porém, lhes disse: Não vos atemorizeis; buscais a Jesus, o Nazareno, que foi crucificado; ele ressuscitou, não está mais aqui; vede o lugar onde o tinham posto.

[7] Mas ide, dizei a seus discípulos e a Pedro que ele vai adiante de vós para a Galiléia; lá o vereis, como ele vos disse.

[8] E, saindo elas, fugiram do sepulcro, porque estavam possuídas de temor e de assombro; e, de medo, nada disseram a ninguém.

Jesus aparece a Maria Madalena
João 20.11-18

[9] Havendo ele ressuscitado de manhã cedo no primeiro dia da semana, apareceu primeiro a Maria Madalena, da qual expelira sete demônios.

[10] E, partindo ela, foi anunciá-lo àqueles que, tendo sido companheiros de Jesus, se achavam tristes e choravam.

[11] Estes, ouvindo que ele vivia e que fora visto por ela, não acreditaram.

Jesus aparece a dois de seus discípulos
Lucas 24.13-35

[12] Depois disto, manifestou-se em outra forma a dois deles que estavam de caminho para o campo.

[13] E, indo, eles o anunciaram aos demais, mas também a estes dois eles não deram crédito.

A ordem para a evangelização

[5]Agus nuair a chuaigh siad isteach sa tuama, chonaic siad an fear óg ina shuí ar dheis agus éide gheal air, agus tháinig scéin orthu.

[6]Ach dúirt sé leo: “Ná bíodh scéin oraibh. Íosa an Nazairéanach, an té a céasadh, atá sibh a lorg. D'éirigh sé. Níl sé anseo. Féach an áit inar chuir siad é.

[7]Ach imígí agus abraigí lena dheisceabail agus le Peadar: ‘Tá sé ag dul romhaibh don Ghailíl; ansiúd a fheicfidh sibh é faoi mar a dúirt sé libh.’ ”

[8]Tháinig na mná amach agus theith siad ón tuama mar ghabh scanradh agus uamhan iad. Agus ní dúirt siad aon ní le haon duine; óir bhí eagla orthu.

Íosa arna Aiséirí

[9]Tar éis aiséirí dó maidin an chéad lae den tseachtain, thaispeáin sé é féin ar dtús do Mháire Mhaigdiléana, an bhean as ar chaith sé seacht ndeamhain amach.

[10]D'imigh sise agus d'inis sí é don mhuintir a bhíodh in éineacht leis, agus iadsan ag caoi agus ag gol.

[11]Ach nuair a chuala siadsan go raibh sé beo, agus go raibh sé feicthe aici, níor chreid siad.

[12]Ina dhiaidh sin thaispeáin sé é féin, i riocht eile, do bheirt acu agus iad ar an tslí ag gabháil amach faoin tuath.

[13]Tháinig siadsan ar ais agus d'inis don chuid eile é, ach ní mó ná sin a chreid siad iadsan.

Misean na nAspal: An Deascabháil

[14] Finalmente, apareceu Jesus aos onze, quando estavam à mesa, e censurou-lhes a incredulidade e dureza de coração, porque não deram crédito aos que o tinham visto já ressuscitado.

[15] E disse-lhes: Ide por todo o mundo e pregai o evangelho a toda criatura.

[16] Quem crer e for batizado será salvo; quem, porém, não crer será condenado.

[17] Estes sinais hão de acompanhar aqueles que crêem: em meu nome, expelirão demônios; falarão novas línguas;

[18] pegarão em serpentes; e, se alguma coisa mortífera beberem, não lhes fará mal; se impuserem as mãos sobre enfermos, eles ficarão curados.

A ascensão de Jesus

Lucas 24.50-53; Atos 1.6-11

[19] De fato, o SENHOR Jesus, depois de lhes ter falado, foi recebido no céu e assentou-se à destra de Deus.

[20] E eles, tendo partido, pregaram em toda parte, cooperando com eles o SENHOR e confirmando a palavra por meio de sinais, que se seguiam.

[14]Níos déanaí, thaispeáin sé é féin don aonar déag agus iad ag bord, agus d'athchas sé leo a ndíchreideamh agus stuacacht a gcroí, mar nár chreid siad an mhuintir a chonaic é aiséirithe.

[15]Agus dúirt sé leo: “Imígí faoin domhan uile agus fógraígí an soiscéal don chruthaíocht uile.

[16]An té a chreidfidh agus a bhaistfear, slánófar é; ach an té nach gcreidfidh, daorfar é.

[17]“Agus leanfaidh na comharthaí seo an dream a chreideann: caithfidh siad deamhain amach i m'ainmse, labhróidh siad i dteangacha nua;

[18]tógfaidh siad nathracha ina lámha, agus má ólann siad aon deoch mharfach, ní dhéanfaidh sí díobháil dóíbh; leagfaidh siad a lámha ar easláin, agus beidh siad ar fónamh.”

[19]Tar éis dó labhairt leo, dá bhrí sin, tógadh an Tiarna Íosa suas ar neamh, agus chuaigh sé chun suite ar dheasláimh Dé.

[20]Ach iad siúd, d'imigh siad leo agus chraobhscaoil siad i ngach áit, agus chabhraigh an Tiarna leo ag neartú an bhriathair leis na comharthaí a lean é.

O evangelho segundo Lucas

Lucas 1

Prefácio

[1] Visto que muitos houve que empreenderam uma narração coordenada dos fatos que entre nós se realizaram,

[2] conforme nos transmitiram os que desde o princípio foram deles testemunhas oculares e ministros da palavra,

[3] igualmente a mim me pareceu bem, depois de acurada investigação de tudo desde sua origem, dar-te por escrito, excelentíssimo Teófilo, uma exposição em ordem,

[4] para que tenhas plena certeza das verdades em que foste instruído.

Zacarias e Isabel

[5] Nos dias de Herodes, rei da Judéia, houve um sacerdote chamado Zacarias, do turno de Abias. Sua mulher era das filhas de Arão e se chamava Isabel.

[6] Ambos eram justos diante de Deus, vivendo irrepreensivelmente em todos os preceitos e mandamentos do SENHOR.

[7] E não tinham filhos, porque Isabel era estéril, sendo eles avançados em dias.

Predições referentes a João Batista

[8] Ora, aconteceu que, exercendo ele diante de Deus o sacerdócio na ordem do seu turno, coube-lhe por sorte,

[9] segundo o costume sacerdotal, entrar no santuário do SENHOR para queimar o incenso;

Lúcás

Lúcás 1

An Réamhrá

[1]Ós rud é gur ghlac mórán as láimh faisnéis a ríomhadh mar gheall ar na nithe atá tagtha chun críche inár measc,

[2]de réir mar a thug siad siúd scéala dúinn a bhí ó thús ina bhfinnéithe súl orthu, agus ina seirbhísigh don bhriathar;

[3]níor mhiste liom féin, freisin, tar éis dom an uile lorg a leanúint go cruinn ó thosach, iad a scríobh i ndiaidh a chéile duitse, a Theofail ró-uasail,

[4]chun go dtuigfeá chomh dearfa is atá na briathra a bhfuair tú teagasc fúthu.

Saolú Eoin Baiste á Réamhinsint

[5]Bhí, i laethanta Héaróid, rí Iúdáia, sagart darbh ainm Zachairias, de shealaíocht Aibia, agus bean aige d'iníonra Árón, agus Eiliosaibeit ab ainm di.

[6]Bhí siad araon fíréanta i bhfianaise Dé, ag tabhairt a saoil gan locht de réir uile aitheanta agus reachta an Tiarna.

[7]Agus ní raibh aon chlann acu, mar bhí Eiliosaibeit aimrid, agus bhí siad araon anonn i mblianta.

[8]Tharla, agus é ag déanamh a ghnó sagairt i láthair Dé, in uain a shealaíochta,

[9]gur thit ar a chrann, de réir ghnás na sagartóide, dul isteach i sanctóir an Tiarna chun túis a dhó;

[10] e, durante esse tempo, toda a multidão do povo permanecia da parte de fora, orando.

[10]agus bhí cuallacht iomlán an phobail amuigh ag guí in am na túise.

[11] E eis que lhe apareceu um anjo do SENHOR, em pé, à direita do altar do incenso.

[11]Chonacthas dó aingeal ón Tiarna ina sheasamh ar dheis altóir na túise.

[12] Vendo-o, Zacarias turbou-se, e apoderou-se dele o temor.

[12]Agus nuair a chonaic Zachairias é, bhí sé buartha agus tháinig uamhan air.

[13] Disse-lhe, porém, o anjo: Zacarias, não temas, porque a tua oração foi ouvida; e Isabel, tua mulher, te dará à luz um filho, a quem darás o nome de João.

[13]Ach dúirt an t-aingeal leis: “Ná bíodh eagla ort, a Zachairias, óir tá éiste le do ghuí, agus béarfaidh do bhean Eiliosaibeit mac duit, agus tabharfaidh tú Eoin mar ainm air.

[14] Em ti haverá prazer e alegria, e muitos se regozijarão com o seu nascimento.

[14]Beidh áthas ort agus gairdeas, agús beidh mórán ag déanamh áthais faoina shaolú.

[15] Pois ele será grande diante do SENHOR, não beberá vinho nem bebida forte e será cheio do Espírito Santo, já do ventre materno.

[15]Óir beidh sé mór i láthair an Tiarna; fíon ná deoch láidir ní ólfaidh; agus beidh sé líonta den Spiorad Naomh fiú amháin ó bhroinn a mháthar,

[16] E converterá muitos dos filhos de Israel ao SENHOR, seu Deus.

[16]agus iompóidh sé mórán de chlann Iosrael chun an Tiarna a nDia.

[17] E irá adiante do SENHOR no espírito e poder de Elias, para converter o coração dos pais aos filhos, converter os desobedientes à prudência dos justos e habilitar para o SENHOR um povo preparado.

[17]Gluaisfidh sé roimhe amach le spiorad agus le cumhacht Éilias, chun croíthe na n-aithreacha a iompú i leith na clainne, agus lucht na heasumhla chun eagna na bhfíréan, chun pobal a dhiongbhála a ullmhú don Tiarna.”

[18] Então, perguntou Zacarias ao anjo: Como saberei isto? Pois eu sou velho, e minha mulher, avançada em dias.

[18]Agus dúirt Zachairias leis an aingeal: “Conas a bheidh a fhios sin agam? Óir táim féin aosta, agus mo bhean anonn i mblianta.”

[19] Respondeu-lhe o anjo: Eu sou Gabriel, que assisto diante de Deus, e fui enviado para falar-te e trazer-te estas boas-novas.

[19]Dúirt an t-aingeal leis á fhreagairt: “Mise Gaibriéil a sheasann i láthair Dé, agus cuireadh mé chun labhartha leat, agus na dea-scéala seo a thabhairt duit.

[20] Todavia, ficarás mudo e não poderás falar até ao dia em que estas coisas venham a realizar-se; porquanto não

[20]Agus féach, beidh tú i do thost, agus gan ar chumas duit labhairt go dtí an lá a ndéanfar

acreditaste nas minhas palavras, as quais, a seu tempo, se cumprirão.

na nithe seo, de bhrí nár chreid tú mo bhriathra a chomhlíonfar ina dtrath féin."

21 O povo estava esperando a Zacarias e admirava-se de que tanto se demorasse no santuário.

21Bhí an pobal ag feitheamh le Zachairias agus ba ionadh leo é bheith ag déanamh moille sa sanctóir.

22 Mas, saindo ele, não lhes podia falar; então, entenderam que tivera uma visão no santuário. E expressava-se por acenos e permanecia mudo.

22Ach ar theacht amach dó, ní fhéadfadh sé labhairt leo, agus bhí a fhios acu go raibh fís feicthe sa sanctóir aige. Agus bhí sé ag sméideadh orthu, agus d'fhan balbh.

23 Sucedeu que, terminados os dias de seu ministério, voltou para casa.

23Nuair a bhí laethanta a sheirbhíse críochnaithe, chuaigh sé abhaile.

A felicidade de Isabel

24 Passados esses dias, Isabel, sua mulher, concebeu e ocultou-se por cinco meses, dizendo:

24Agus ina dhiaidh sin, ghabh a bhean, Eiliosaibeit, gin, agus d'fholaigh í féin ar feadh cúig mhí,

25 Assim me fez o SENHOR, contemplando-me, para anular o meu opróbrio perante os homens.

25ag rá: "Is mar seo a rinne an Tiarna liom é sna laethanta inar dhearc sé orm chun m'aithis i measc daoine a thógáil díom."

Predito o nascimento de Jesus

Sanas an Aingil

26 No sexto mês, foi o anjo Gabriel enviado, da parte de Deus, para uma cidade da Galiléia, chamada Nazaré,

26Sa séú mí, cuireadh an t-aingeal Gaibriéil ó Dhia go dtí cathair sa Ghailíl darbh ainm Nazarat

27 a uma virgem desposada com certo homem da casa de Davi, cujo nome era José; a virgem chamava-se Maria.

27chun maighdine a bhí luaite le fear de theaghlach Dháiví darbh ainm Iósaef, agus b'é ab ainm don mhaighdean, Muire.

28 E, entrando o anjo aonde ela estava, disse: Alegra-te, muito favorecida! O SENHOR é contigo.

28Agus ar a theacht isteach chuici dúirt: "Sé do bheatha, atá lán de ghrásta, tá an Tiarna leat; is beannaithe tú idir mná."

29 Ela, porém, ao ouvir esta palavra, perturbou-se muito e pôs-se a pensar no que significaria esta saudação.

29Ach bhí buaireamh uirthi de chionn na cainte, agus bhí sí ag machnamh cén sort beannachadh é seo.

30 Mas o anjo lhe disse: Maria, não temas; porque achaste graça diante de Deus.

30Ach dúirt an t-aingeal léi: "Ná bíodh eagla ort, a Mhuire, óir fuair tú gean ó Dhia.

31 Eis que conceberás e darás à luz um filho, a quem chamarás pelo nome de Jesus.

31Agus féach, gabhfaidh tú gin agus béarfaidh tú mac agus tabharfaidh tú Íosa mar ainm air.

[32] Este será grande e será chamado Filho do Altíssimo; Deus, o SENHOR, lhe dará o trono de Davi, seu pai;

[33] ele reinará para sempre sobre a casa de Jacó, e o seu reinado não terá fim.

[34] Então, disse Maria ao anjo: Como será isto, pois não tenho relação com homem algum?

[35] Respondeu-lhe o anjo: Descerá sobre ti o Espírito Santo, e o poder do Altíssimo te envolverá com a sua sombra; por isso, também o ente santo que há de nascer será chamado Filho de Deus.

[36] E Isabel, tua parenta, igualmente concebeu um filho na sua velhice, sendo este já o sexto mês para aquela que diziam ser estéril.

[37] Porque para Deus não haverá impossíveis em todas as suas promessas.

[38] Então, disse Maria: Aqui está a serva do SENHOR; que se cumpra em mim conforme a tua palavra. E o anjo se ausentou dela.

Maria visita a Isabel

[39] Naqueles dias, dispondo-se Maria, foi apressadamente à região montanhosa, a uma cidade de Judá,

[40] entrou na casa de Zacarias e saudou Isabel.

[41] Ouvindo esta a saudação de Maria, a criança lhe estremeceu no ventre; então, Isabel ficou possuída do Espírito Santo.

[42] E exclamou em alta voz: Bendita és tu entre as mulheres, e bendito o fruto do teu ventre!

[32]Beidh sé mór, agus glaofar Mac an Té is airde air, agus tabharfaidh an Tiarna Dia dó ríchathaoir Dháiví a athair,

[33]agus beidh sé ina Rí ar theaghlach Iacóib go brách, agus ní bheidh deireadh lena ríocht."

[34]Dúirt Muire leis an aingeal: "Conas a bheidh seo amhlaidh, agus gan cuid agam d'fhear chéile?"

[35]Agus dúirt an t-aingeal á freagairt: "Tuirlingeoidh an Spiorad Naomh ort, agus beidh cumhacht an té is airde ina scáil anuas ort, agus sin é an fáth a mbeidh an leanbh naofa; glaofar Mac Dé air.

[36]Agus féach, Eiliosaibeit do bhean ghaoil, ghabh sise mac freisin ina seanaois, agus is é seo an séú mí aici siúd a dúradh a bheith aimrid.

[37]Óir níl ní ar bith dodhéanta ag Dia."

[38]Dúirt Muire: "Féach, mise banóglach an Tiarna; déantar liom de réir d'fhocail." Agus d'imigh an t-aingeal uaithi.

An Fiosrú

[39]Chuir Muire chun bóthair sna laethanta sin agus d'imigh go deifreach faoi dhéin na gcnoc go dtí cathair in Iúdá,

[40]agus chuaigh isteach i dteach Zachairias agus bheannaigh d'Eiliosaibeit.

[41]Agus tharla, nuair a chuala Eiliosaibeit beannachadh Mhuire, gur bhíog an naíonán ina broinn, agus líonadh Eiliosalbeit den Spiorad Naomh,

[42]agus d'éigh sí de ghlór ard agus dúirt: "Is beannaithe tú idir mná, agus is beannaithe toradh do bhroinne.

[43] E de onde me provém que me venha visitar a mãe do meu SENHOR?

[44] Pois, logo que me chegou aos ouvidos a voz da tua saudação, a criança estremeceu de alegria dentro de mim.

[45] Bem-aventurada a que creu, porque serão cumpridas as palavras que lhe foram ditas da parte do SENHOR.

O cântico de Maria

[46] Então, disse Maria: A minha alma engrandece ao SENHOR,

[47] e o meu espírito se alegrou em Deus, meu Salvador,

[48] porque contemplou na humildade da sua serva. Pois, desde agora, todas as gerações me considerarão bem-aventurada,

[49] porque o Poderoso me fez grandes coisas. Santo é o seu nome.

[50] A sua misericórdia vai de geração em geração sobre os que o temem.

[51] Agiu com o seu braço valorosamente; dispersou os que, no coração, alimentavam pensamentos soberbos.

[52] Derribou do seu trono os poderosos e exaltou os humildes.

[53] Encheu de bens os famintos e despediu vazios os ricos.

[54] Amparou a Israel, seu servo, a fim de lembrar-se da sua misericórdia

[55] a favor de Abraão e de sua descendência, para sempre, como prometera aos nossos pais.

[56] Maria permaneceu cerca de três meses com Isabel e voltou para casa.

O nascimento de João Batista

[43]Agus conas a tharla seo domsa, máthair mo Thiarna a theacht chugam?

[44]Óir féach, nuair a chuaigh glór do bheannachtha i mo chluasa, bhíog an naíonán i mo bhroinn le háthas.

[45]Agus is méanar di seo a chreid go gcomhlíonfaí na nithe a dúradh léi ón Tiarna."

[46]Agus dúirt Muire:

An Magnificat

"Mórann m'anam an Tiarna,

[47]agus rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.

[48]Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglaigh; mar féach, déarfaidh na glúine uile feasta gur méanar dom.

[49]Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm,

[50]agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin dóibh seo ar a mbíonn a eagla.

[51]Thaispeáin sé neart a láimhe: scaip sé an dream a bhí uaibhreach i smaointe a gcroí.

[52]Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha, agus d'ardaigh sé daoine ísle;

[53]Líon sé lucht an ocrais le nithe maithe, agus chuir sé na saibhre uaidh folamh.

[54]D'fhóir sé ar Iosrael a sheirbhíseach, ag cuimhneamh dó ar a thrócaire -

[55]de réir mar gheall sé dar n-aithreacha - d'Abrahám agus dá shliocht go brách."

[56]D'fhan Muire aici timpeall trí mhí, agus d'fhill abhaile.

Saolú Eoin Baiste: A Thimpeallghearradh

[57] A Isabel cumpriu-se o tempo de dar à luz, e teve um filho.

[58] Ouviram os seus vizinhos e parentes que o SENHOR usara de grande misericórdia para com ela e participaram do seu regozijo.

[59] Sucedeu que, no oitavo dia, foram circuncidar o menino e queriam dar-lhe o nome de seu pai, Zacarias.

[60] De modo nenhum! Respondeu sua mãe. Pelo contrário, ele deve ser chamado João.

[61] Disseram-lhe: Ninguém há na tua parentela que tenha este nome.

[62] E perguntaram, por acenos, ao pai do menino que nome queria que lhe dessem.

[63] Então, pedindo ele uma tabuinha, escreveu: João é o seu nome. E todos se admiraram.

[64] Imediatamente, a boca se lhe abriu, e, desimpedida a língua, falava louvando a Deus.

[65] Sucedeu que todos os seus vizinhos ficaram possuídos de temor, e por toda a região montanhosa da Judéia foram divulgadas estas coisas.

[66] Todos os que as ouviram guardavam-nas no coração, dizendo: Que virá a ser, pois, este menino? E a mão do SENHOR estava com ele.

O cântico de Zacarias

[67] Zacarias, seu pai, cheio do Espírito Santo, profetizou, dizendo:

[68] Bendito seja o SENHOR, Deus de Israel, porque visitou e redimiu o seu povo,

[57]Tháinig a hionú d'Eiliosaibeit agus rug sí mac.

[58]Agus chuala a comharsana agus a gaolta go ndearna Dia a thrócaire go hiomarcúil uirthi, agus rinne siad comhghairdeas léi.

[59]Agus ar an ochtú lá, tháinig siad chun an leanbh a thimpeallghearradh, agus bhí siad ag tabhairt ainm a athar air, Zachairias.

[60]Ach labhair a mháthair agus dúirt: “Ní hea, ach glaofar Eoin air.”

[61]Agus dúirt siad léi: “Níl aon duine ar do chine a bhfuil an t-ainm sin air.”

[62]Ach d'fhiafraigh siad le comharthaí sóirt dá athair cad ab áil leis a thabhairt air.

[63]Agus d'iarr seisean cláirín agus scríobh air: “Is Eoin is ainm dó.” Agus rinne siad uile ionadh de.

[64]Bogadh a bhéal agus a theanga láithreach, agus labhair sé ag moladh Dé.

[65]Agus tháinig uamhan ar a gcomharsana uile; agus sa cheantar go léir ar fud na gcnoc in Iúdáia, bhítí ag iomrá ar na nithe seo uile,

[66]agus gach ar chuala trácht orthu, chuir siad chucu ina gcroí iad, agus deiridís: “Cad is dán don leanbh seo, mar sin?” Óir go deimhin bhí lámh an Tiarna leis.

[67]Agus líonadh Zachairias a athair den Spiorad Naomh, agus rinne tairngreacht á rá:

An Benedictus

[68]“Moladh don Tiarna, Dia Iosrael, óir rinne sé a phobal a fhiosrú agus a fhuascailt;

[69] e nos suscitou plena e poderosa salvação na casa de Davi, seu servo,
[70] como prometera, desde a antiguidade, por boca dos seus santos profetas,
[71] para nos libertar dos nossos inimigos e das mãos de todos os que nos odeiam;
[72] para usar de misericórdia com os nossos pais e lembrar-se da sua santa aliança
[73] e do juramento que fez a Abraão, o nosso pai,
[74] de conceder-nos que, livres das mãos de inimigos, o adorássemos sem temor,
[75] em santidade e justiça perante ele, todos os nossos dias.
[76] Tu, menino, serás chamado profeta do Altíssimo, porque precederás o SENHOR, preparando-lhe os caminhos,
[77] para dar ao seu povo conhecimento da salvação, no redimi-lo dos seus pecados,
[78] graças à entranhável misericórdia de nosso Deus, pela qual nos visitará o sol nascente das alturas,
[79] para alumiar os que jazem nas trevas e na sombra da morte, e dirigir os nossos pés pelo caminho da paz.
[80] O menino crescia e se fortalecia em espírito. E viveu nos desertos até ao dia em que havia de manifestar-se a Israel.

Lucas 2

O nascimento de Jesus Cristo
Mateus 1.18-25

[1] Naqueles dias, foi publicado um decreto de César Augusto, convocando toda a população do império para recensear-se.

[69]agus thóg sé dúinn Slánaitheoir neartmhar i dteaghlach Dháiví a sheirbhíseach -
[70]de réir mar a labhair trí bhéal a naomhfháidh anallód -
[71]mar shaoradh dúinn ónár naimhde agus óna láimh siúd uile ar fuath leo sinn,
[72]ag déanamh trócaire mar sin ar ár n-aithreacha, agus ag cuimhneamh ar a thiomna naofa -
[73]ar an mionn a mhionnaigh sé d'Abrahám ár n-athair -
[74]go dtabharfadh sé dúinn, tar éis ár saortha as láimh ár naimhde,
[75]bheith ag seirbhís dó gan eagla, i gcrábhadh agus i bhfíréantacht ina láthair gach lá dár saol.
[76]Agus tusa, a leanbh, glaofar ortsa fáidh an Té is Airde, óir gluaisfidh tú roimh an Tiarna ag ullmhú a bhóthar,
[77]ag tabhairt eolas an tslánaithe dá phobal trí mhaithiúnas a bpeacaí
[78]de chionn trócaire chroí ár nDé a bhéarfaidh an Láchan dár bhfiosrú ó uachtar neimhe,
[79]chun a soilsithe siúd atá ina suí sa dorchadas agus faoi scáil an bháis; chun ár gcéimeanna a sheoladh i mbóthar na síochána."
[80]Agus d'fhás an leanbh agus neartaigh sa spiorad, agus chónaigh sna fásaigh go dtí an lá ar fhoilsigh é féin d'Iosrael.

Lúcás 2

Oíche Nollag

[1]Tharla sna laethanta sin go ndeachaigh forógra amach ó Chéasar Agust an domhan uile a chlárú.

[2] Este, o primeiro recenseamento, foi feito quando Quirino era governador da Síria.

[3] Todos iam alistar-se, cada um à sua própria cidade.

[4] José também subiu da Galiléia, da cidade de Nazaré, para a Judéia, à cidade de Davi, chamada Belém, por ser ele da casa e família de Davi,

[5] a fim de alistar-se com Maria, sua esposa, que estava grávida.

[6] Estando eles ali, aconteceu completarem-se-lhe os dias,

[7] e ela deu à luz o seu filho primogênito, enfaixou-o e o deitou numa manjedoura, porque não havia lugar para eles na hospedaria.

Os anjos e os pastores

[8] Havia, naquela mesma região, pastores que viviam nos campos e guardavam o seu rebanho durante as vigílias da noite.

[9] E um anjo do SENHOR desceu aonde eles estavam, e a glória do SENHOR brilhou ao redor deles; e ficaram tomados de grande temor.

[10] O anjo, porém, lhes disse: Não temais; eis aqui vos trago boa-nova de grande alegria, que o será para todo o povo:

[11] é que hoje vos nasceu, na cidade de Davi, o Salvador, que é Cristo, o SENHOR.

[12] E isto vos servirá de sinal: encontrareis uma criança envolta em faixas e deitada em manjedoura.

[13] E, subitamente, apareceu com o anjo uma multidão da milícia celestial, louvando a Deus e dizendo:

[2]B'é seo an chéad chlárú a rinneadh nuair a bhí Cuiríon ina ghobharnóir ar an tSuír.

[3]Agus chuaigh cách chun a gcláraithe, gach aon duine go dtí a chathair féin.

[4]Agus chuaigh Iósaef freisin suas ón nGailíl, ó chathair Nazarat, go hIúdáia, go dtí cathair Dháiví ar a nglaotar Beithil, de bhrí gur de theaghlach agus de threabhchas Dháiví é féin,

[5]chun a chláraithe mar aon le Muire, a bhean chéile, a bhí ag iompar clainne.

[6]Agus tharla, le linn dóibh bheith ann, gur tháinig a hionú,

[7]agus rug sí a céadghin mic, agus chuir i gcrios ceangail é, agus shín i mainséar é, de bhrí nach raibh slí dóibh san ósta.

[8]Agus bhí aoirí sa taobh tíre céanna, amuigh faoin spéir, ag faireacháin oíche i mbun a dtréada.

[9]Agus sheas aingeal an Tiarna láimh leo, agus shoilsigh glóir an Tiarna ina dtimpeall, agus bhí uamhan agus eagla mhór orthu.

[10]Agus dúirt an t-aingeal leo: “Ná bíodh eagla oraibh: óir féach, tá dea-scéala agam daoibh a chuirfidh áthas mór ar an bpobal uile:

[11]rugadh Slánaitheoir daoibh inniu - is é Críost an Tiarna é - i gcathair Dháiví.

[12]Agus is comhartha daoibh é seo: gheobhaidh sibh naíonán i gcrios ceangail agus é ina luí i mainséar.”

[13]Agus bhí go tobann, mar aon leis an aingeal, cuallacht de shlua na bhflaitheas ag moladh Dé agus ag rá:

[14] Glória a Deus nas maiores alturas, e paz na terra entre os homens, a quem ele quer bem.

[15] E, ausentando-se deles os anjos para o céu, diziam os pastores uns aos outros: Vamos até Belém e vejamos os acontecimentos que o SENHOR nos deu a conhecer.

[16] Foram apressadamente e acharam Maria e José e a criança deitada na manjedoura.

[17] E, vendo-o, divulgaram o que lhes tinha sido dito a respeito deste menino.

[18] Todos os que ouviram se admiraram das coisas referidas pelos pastores.

[19] Maria, porém, guardava todas estas palavras, meditando-as no coração.

[20] Voltaram, então, os pastores glorificando e louvando a Deus por tudo o que tinham ouvido e visto, como lhes fora anunciado.

A circuncisão de Jesus

[21] Completados oito dias para ser circuncidado o menino, deram-lhe o nome de JESUS, como lhe chamara o anjo, antes de ser concebido.

A apresentação de Jesus no templo

[22] Passados os dias da purificação deles segundo a Lei de Moisés, levaram-no a Jerusalém para o apresentarem ao SENHOR,

[23] conforme o que está escrito na Lei do SENHOR: Todo primogênito ao SENHOR será consagrado;

[14]“Glóir do Dhia in uachtar neimhe, agus síocháin ar talamh don mhuintir ar a bhfuil a ghnaoi!”

[15]Agus nuair a d'imigh na haingil uathu sna flaithis, dúirt na haoirí le chéile: “Téimis anonn go Beithil, agus feicimis an ní seo a tharla a d'inis an Tiarna dúinn.”

[16]Agus d'imigh go deifreach, agus fuair siad Muire agus Iósaef, agus an naíonán ina luí sa mhainséar.

[17]Agus ar a fheiceáil dóibh, d'inis siad an ní a dúradh leo mar gheall ar an leanbh seo.

[18]Agus cách a chuala, b'ionadh leo na nithe a dúirt na haoirí leo.

[19]Agus thaiscigh Muire ina cuimhne na nithe seo uile, ag machnamh orthu ina croí.

[20]Agus chuaigh na haoirí ar ais ag glóiriú agus ag moladh Dé faoinar chuala siad agus a bhfaca siad, de réir mar a bhí ráite leo.

An Timpeallghearradh: An Toirbhirt

[21]Nuair a bhí ocht lá caite agus é le timpeallghearradh, tugadh Íosa mar ainm air, mar a thug an t-aingeal air sular gabhadh sa bhroinn é.

[22]Agus nuair a bhí na laethanta caite agus iad le híonghlanadh de réir dhlí Mhaois, thug siad go Iarúsailéim é le toirbhirt don Tiarna -

[23]mar atá scríofa i ndlí an Tiarna: “Gach fíreannach atá ina chéadghin, is rud coisricthe don Tiarna é” -

[24] e para oferecer um sacrifício, segundo o que está escrito na referida Lei: Um par de rolas ou dois pombinhos.

O cântico de Simeão

[25] Havia em Jerusalém um homem chamado Simeão; homem este justo e piedoso que esperava a consolação de Israel; e o Espírito Santo estava sobre ele.

[26] Revelara-lhe o Espírito Santo que não passaria pela morte antes de ver o Cristo do SENHOR.

[27] Movido pelo Espírito, foi ao templo; e, quando os pais trouxeram o menino Jesus para fazerem com ele o que a Lei ordenava,

[28] Simeão o tomou nos braços e louvou a Deus, dizendo:

[29] Agora, SENHOR, podes despedir em paz o teu servo, segundo a tua palavra;

[30] porque os meus olhos já viram a tua salvação,

[31] a qual preparaste diante de todos os povos:

[32] luz para revelação aos gentios, e para glória do teu povo de Israel.

[33] E estavam o pai e a mãe do menino admirados do que dele se dizia.

[34] Simeão os abençoou e disse a Maria, mãe do menino: Eis que este menino está destinado tanto para ruína como para levantamento de muitos em Israel e para ser alvo de contradição

[24]agus chun go n-ofrálfaidís mar íobairt, de réir a bhfuil ráite i ndlí an Tiarna, “péire colm nó dhá ghearrcach colúir.”

[25]Bhí fear in Iarúsailéim darbh ainm Simeon, agus bhí an fear seo fíréanta diaga, ag súil le sólás Iosrael, agus bhí an Spiorad Naomh ina luí air.

[26]Agus bhí foilsiú faighte ón Spiorad Naomh aige nach bhfeicfeadh sé an bás nó go bhfeicfeadh Meisias an Tiarna.

[27]Tháinig sé, faoi luí an Spioraid, isteach sa Teampall; agus le linn dá thuismitheoirí bheith ag tabhairt an linbh Íosa isteach chun go ndéanfaidís ar a shon de réir nós an dlí,

[28]ghlac seisean chuige ina ucht é, agus mhol Dia agus dúirt:

An Nunc Dimittis

[29]“Anois atá tú ag scaoileadh do sheirbhísigh uait, a Thiarna, de réir d'fhocail, faoi shíocháin,

[30]mar tá mo shúile tar éis do shlánú a fheiceáil

[31]atá ullamh agat faoi chomhair na bpobal uile:

[32]solas chun na náisiúin a shoilsiú agus glóir do phobail Iosrael.”

Tairngreacht Shimeon

[33]Agus bhí a athair agus a mhathair ag déanamh ionadh de na nithe a dúradh mar gheall air.

[34]Agus bheannaigh Simeon iad agus dúirt le Muire a mháthair: “Feach, is dán dó seo bheith ina thrúig leagtha agus éirithe dá lán in Iosrael agus ina chomhartha a shéanfar -

[35] (também uma espada traspassará a tua própria alma), para que se manifestem os pensamentos de muitos corações.

[35]agus gabhfaidh claíomh trí d'anam féin - chun go bhfoilseofaí smaointe as mórán croíthe."

A profetisa Ana

[36] Havia uma profetisa, chamada Ana, filha de Fanuel, da tribo de Aser, avançada em dias, que vivera com seu marido sete anos desde que se casara

[36]Agus bhí banfháidh ann freisin, Anna iníon Fanuéil, de threibh Áiséar, í anonn i mblianta móra: mhair sí seacht mbliana ag a fear céile tar éis a hóghachta.

[37] e que era viúva de oitenta e quatro anos. Esta não deixava o templo, mas adorava noite e dia em jejuns e orações.

[37]Fágadh ina baintreach í, agus bhí ceithre bliana ochtód an uair seo aici; agus ní fhágadh sí an Teampall, ag seirbhís do Dhia de lá agus d'oíche le troscadh agus le hurnaithe.

[38] E, chegando naquela hora, dava graças a Deus e falava a respeito do menino a todos os que esperavam a redenção de Jerusalém.

[38]Tháinig sí i láthair an uair sin féin, agus thug moladh agus buíochas do Dhia; agus labhair sí mar gheall air le cách a bhí ag súil le Iarúsailéim a fhuascailt.

O menino Jesus em Nazaré

[39] Cumpridas todas as ordenanças segundo a Lei do SENHOR, voltaram para a Galiléia, para a sua cidade de Nazaré.

[39]Nuair a bhí gach ní curtha i gcrích acu de réir dhlí an Tiarna, d'fhill siad ar an nGailíl, go dtí a gcathair féin Nazarat.

[40] Crescia o menino e se fortalecia, enchendo-se de sabedoria; e a graça de Deus estava sobre ele.

[40]Agus d'fhás an leanbh agus neartaigh, é lán d'eagna; agus bhí grásta Dé ina luí air.

O menino Jesus no meio dos doutores

Íosa i Measc na Máistrí

[41] Ora, anualmente iam seus pais a Jerusalém, para a Festa da Páscoa.

[41]Théadh a thuismitheoirí gach bliain go hIarúsailéim i gcoir féile na Cásca.

[42] Quando ele atingiu os doze anos, subiram a Jerusalém, segundo o costume da festa.

[42]Agus nuair a bhí sé dhá bhliain déag, chuaigh siad suas de réir ghnás na féile;

[43] Terminados os dias da festa, ao regressarem, permaneceu o menino Jesus em Jerusalém, sem que seus pais o soubessem.

[43]agus nuair a bhí na laethanta caite acu, agus iad ag filleadh, d'fhan an buachaill Íosa in Iarúsailéim ina ndiaidh, gan fhios dá thuismitheoirí.

[44] Pensando, porém, estar ele entre os companheiros de viagem, foram caminho de um dia e, então, passaram a procurá-lo entre os parentes e os conhecidos;

[44]Shíl siad gur ar an gcomplacht a bhí sé, agus ar theacht dóibh siúl aon lae, bhí siad á lorg i measc a ngaolta agus a lucht aitheantais,

[45] e, não o tendo encontrado, voltaram a Jerusalém à sua procura.

[46] Três dias depois, o acharam no templo, assentado no meio dos doutores, ouvindo-os e interrogando-os.

[47] E todos os que o ouviam muito se admiravam da sua inteligência e das suas respostas.

[48] Logo que seus pais o viram, ficaram maravilhados; e sua mãe lhe disse: Filho, por que fizeste assim conosco? Teu pai e eu, aflitos, estamos à tua procura.

[49] Ele lhes respondeu: Por que me procuráveis? Não sabíeis que me cumpria estar na casa de meu Pai?

[50] Não compreenderam, porém, as palavras que lhes dissera.

[51] E desceu com eles para Nazaré; e era-lhes submisso. Sua mãe, porém, guardava todas estas coisas no coração.

[52] E crescia Jesus em sabedoria, estatura e graça, diante de Deus e dos homens.

Lucas 3

A pregação de João Batista
Mateus 3.1-10; Marcos 1.2-5

[1] No décimo quinto ano do reinado de Tibério César, sendo Pôncio Pilatos governador da Judéia, Herodes, tetrarca da Galiléia, seu irmão Filipe, tetrarca da região da Ituréia e Traconites, e Lisânias, tetrarca de Abilene,

[45]agus nuair nach bhfuair siad é, chuaigh siad ar ais go Iarúsailéim á lorg.

[46]I gcionn trí lá fuair siad sa Teampall é ina shuí i measc na máistrí ag éisteacht leo agus ag cur ceisteanna chucu.

[47]Agus bhí alltacht ar chách a bhí ag éisteacht leis mar gheall ar a thuiscint agus ar a fhreagraí.

[48]Nuair a chonaic siad é, ghabh iontas iad, agus dúirt a mháthair leis: “A mhic, cad chuige a ndearna tú é seo orainn? Féach, bhí d'athair agus mé féin do do lorg go cráite.”

[49]Agus dúirt sé leo: “Cad chuige a mbeadh sibh do mo lorg? Nach raibh a fhios agaibh gur i dteach m'Athar nárbh fholáir dom bheith?”

[50]Ach níor thuig siad an focal a labhair sé leo.

[51]Agus chuaigh sé síos in éineacht leo agus tháinig go Nazarat, agus bhí sé faoina smacht. Agus thaiscigh a mháthair go dílis na nithe seo uile ina croí.

[52]Agus bhí Íosa ag dul ar aghaidh in eagna agus i bpearsa agus i ngrásta i láthair Dé agus daoine.

Lúcás 3

Eoin Baiste ag Fógairt Aithrí

[1]Sa chúigiú bliain déag de réimeas Thibir Céasar, nuair a bhí Pointias Pioláit ina ghobharnóir ar Iúdáia, agus Héaród ina rí cúige ar an nGailíl, agus Pilib a dheartháir ina rí cúige ar cheantar Iotúráia agus Treachóinítis, agus Lusáinias ina rí cúige ar Aibiléiné,

[2] sendo sumos sacerdotes Anás e Caifás, veio a palavra de Deus a João, filho de Zacarias, no deserto.
[3] Ele percorreu toda a circunvizinhança do Jordão, pregando batismo de arrependimento para remissão de pecados,
[4] conforme está escrito no livro das palavras do profeta Isaías: Voz do que clama no deserto: Preparai o caminho do SENHOR, endireitai as suas veredas.
[5] Todo vale será aterrado, e nivelados todos os montes e outeiros; os caminhos tortuosos serão retificados, e os escabrosos, aplanados;
[6] e toda carne verá a salvação de Deus.

[7] Dizia ele, pois, às multidões que saíam para serem batizadas: Raça de víboras, quem vos induziu a fugir da ira vindoura?

[8] Produzi, pois, frutos dignos de arrependimento e não comeceis a dizer entre vós mesmos: Temos por pai a Abraão; porque eu vos afirmo que destas pedras Deus pode suscitar filhos a Abraão.
[9] E também já está posto o machado à raiz das árvores; toda árvore, pois, que não produz bom fruto é cortada e lançada ao fogo.
[10] Então, as multidões o interrogavam, dizendo: Que havemos, pois, de fazer?
[11] Respondeu-lhes: Quem tiver duas túnicas, reparta com quem não tem; e quem tiver comida, faça o mesmo.

[2]faoi ardsagartacht Annas agus Cháiafas, tháinig briathar Dé chun Eoin mac Zachairias san fhásach.

[3]Agus ghabh sé ar fud na tíre go léir timpeall na Iordáine ag fógairt bhaiste aithrí chun peacaí a mhaitheamh,

[4]mar atá scríofa i leabhar ráite Íseáia fáidh: “Glór duine ag éamh san fhásach: ‘Réitígí bóthar an Tiarna, déanaigí díreach a chasáin.

[5]Líonfar gach cumar, agus ísleofar gach sliabh agus cnocán; déanfar na camshlite díreach agus na bóithre anacra réidh,

[6]agus feicfidh an uile cholainn slánú Dé.’ ”

[7]Dúirt sé ansin leis na sluaite a bhí ag teacht amach chun baiste a fháil uaidh: “A sceith na bpéisteanna, cé a thug leid daoibh teitheadh ón díbheirg atá le teacht?

[8]Tugaigí, más ea, torthaí uaibh is dual don aithrí. Agus aire daoibh gan a rá libh féin: ‘Tá Abrahám ina athair againn, ’ óir deirim libh gur féidir le Dia clann d'Abrahám a thógáil as na clocha seo.

[9]Anois féin, tá an tua le fréamh na gcrann, agus gach crann nach dtugann toradh fónta uaidh, gearrfar anuas agus caithfear sa tine é.”

[10]Agus bhí na sluaite ag fiafraí de: “Cad tá le déanamh againn, más ea?”

[11]Dúirt sé leo á bhfreagairt: “An té a bhfuil dhá chóta aige, tugadh sé cóta don té atá

ina uireasa, agus an té a bhfuil rud le hithe aige, déanadh sé a leithéid chéanna."

[12] Foram também publicanos para serem batizados e perguntaram-lhe: Mestre, que havemos de fazer?

[12]Tháinig poibleacánaigh freisin chun baiste a fháil agus dúirt siad leis: "A mháistir, cad tá le déanamh againne?"

[13] Respondeu-lhes: Não cobreis mais do que o estipulado.

[13]Dúirt sé leo: "Gan níos mó a éileamh ná a bhfuil ordaithe daoibh."

[14] Também soldados lhe perguntaram: E nós, que faremos? E ele lhes disse: A ninguém maltrateis, não deis denúncia falsa e contentai-vos com o vosso soldo.

[14]D'fhiafraigh saighdiúirí de, freisin: "Agus cad tá le déanamh againne?" Agus dúirt sé leo: "Gan éigean a dhéanamh ar dhuine ar bith, ná dearbhú éithigh; agus sibh a bheith sásta le bhur bpá."

João dá testemunho de Jesus

Mateus 3.11-12; Marcos 1.7-8; João 1.19-27

[15] Estando o povo na expectativa, e discorrendo todos no seu íntimo a respeito de João, se não seria ele, porventura, o próprio Cristo,

[15]Ó bhí an pobal ar fionraí, agus cách ag machnamh ina gcroí i dtaobh Eoin, go mb'fhéidir gurbh é an Críost é,

[16] disse João a todos: Eu, na verdade, vos batizo com água, mas vem o que é mais poderoso do que eu, do qual não sou digno de desatar-lhe as correias das sandálias; ele vos batizará com o Espírito Santo e com fogo.

[16]d'fhreagair Eoin á rá leo uile: "Táimse do bhur mbaisteadh le huisce, ach tá an té ag teacht atá níos treise ná mé, nach fiú mé iall a chuarán a scaoileadh; baistfidh seisean sibh leis an Spiorad Naomh agus le tine.

[17] A sua pá, ele a tem na mão, para limpar completamente a sua eira e recolher o trigo no seu celeiro; porém queimará a palha em fogo inextinguível.

[17]Tá a cháiteog ina láimh aige chun a láithreán a léirghlanadh agus an t-arbhar a chruinniú isteach ina scioból, ach dóifidh sé an lóchán le tine dhomhúchta."

Eoin Baiste á Chur i bPríosún

[18] Assim, pois, com muitas outras exortações anunciava o evangelho ao povo;

[18]Agus trína lán nithe eile fós a rá leo á spreagadh, bhí sé ag fógairt an dea-scéil don phobal.

[19] mas Herodes, o tetrarca, sendo repreendido por ele, por causa de Herodias, mulher de seu irmão, e por todas as maldades que o mesmo Herodes havia feito,

[19]Héaród an rí cúige, áfach, a fuair milleán uaidh faoi Héaróidias, bean a dhearthár, agus faoi na drochbhearta uile a bhí déanta aige,

[20] acrescentou ainda sobre todas a de lançar João no cárcere.

[20]chuir sé an drochbheart seo i gceann an iomláin: Eoin a chur faoi ghlas i bpríosún.

O batismo de Jesus

Mateus 3.13-17; Marcos 1.9-11; João 1.32-34

[21] E aconteceu que, ao ser todo o povo batizado, também o foi Jesus; e, estando ele a orar, o céu se abriu,

[21]Ach tar éis don phobal uile a bheith baiste, tharla, nuair a bhí Íosa féin baiste agus é ag guí, gur osclaíodh na flaithis,

[22] e o Espírito Santo desceu sobre ele em forma corpórea como pomba; e ouviu-se uma voz do céu: Tu és o meu Filho amado, em ti me comprazo.

[22]agus tháinig an Spiorad Naomh anuas air i gcruth corpartha mar a bheadh colm, agus tháinig glór ó na flaithis: “Is tú mo Mhac muirneach; is duit a thug mé gnaoi.”

A genealogia de Jesus Cristo

Mateus 1.1-16

[23] Ora, tinha Jesus cerca de trinta anos ao começar o seu ministério. Era, como se cuidava, filho de José, filho de Eli;

[23]Agus bhí Íosa féin, ag tosú dó, timpeall tríocha bliain: ina mhac - mar a síleadh - do Iósaef mac Héilí,

[24] Eli, filho de Matate, Matate, filho de Levi, Levi, filho de Melqui, este, filho de Janai, filho de José;

[24]mhic Mhatat, mhic Léiví, mhic Mheilchí, mhic Iannái, mhic Iósaef,

[25] José, filho de Matatias, Matatias, filho de Amós, Amós, filho de Naum, este, filho de Esli, filho de Nagai;

[25]mhic Mhataitias, mhic Ámós, mhic Náum, mhic Ioslái, mhic Nagai,

[26] Nagai, filho de Maate, Maate, filho de Matatias, Matatias, filho de Semei, este, filho de José, filho de Jodá;

[26]mhic Máat, mhic Mhataitias, mhic Shimín, mhic Ióiséch, mhic Ióda,

[27] Jodá, filho de Joanã, Joanã, filho de Resa, Resa, filho de Zorobabel, este, de Salatiel, filho de Neri;

[27]mhic Réasa, mhic Zoróbaibeil, mhic Shalaitiéil, mhic Néiré,

[28] Neri, filho de Melqui, Melqui, filho de Adi, Adi, filho de Cosã, este, de Elmadã, filho de Er;

[28]mhic Mhailchí, mhic Aidí, mhic Chósam, mhic Iolmádam, mhic Éar,

[29] Er, filho de Josué, Josué, filho de Eliézer, Eliézer, filho de Jorim, este, de Matate, filho de Levi;

[29]mhic Iasús, mhic Eiliasar, mhic Iórám, mhic Mhatat, mhic Léiví,

[30] Levi, filho de Simeão, Simeão, filho de Judá, Judá, filho de José, este, filho de Jonã, filho de Eliaquim;

[30]mhic Shimeon, mhic Iúdá, mhic Iósaef, mhic Iónam, mhic Eiliácaím,

[31] Eliaquim, filho de Meleá, Meleá, filho de Mená, Mená, filho de Matatá, este, filho de Natã, filho de Davi;

[32] Davi, filho de Jessé, Jessé, filho de Obede, Obede, filho de Boaz, este, filho de Salá, filho de Naassom;

[33] Naassom, filho de Aminadabe, Aminadabe, filho de Admim, Admim, filho de Arni, Arni, filho de Esrom, este, filho de Perez, filho de Judá;

[34] Judá, filho de Jacó, Jacó, filho de Isaque, Isaque, filho de Abraão, este, filho de Tera, filho de Naor;

[35] Naor, filho de Serugue, Serugue, filho de Ragaú, Ragaú, filho de Faleque, este, filho de Éber, filho de Salá;

[36] Salá, filho de Cainã, Cainã, filho de Arfaxade, Arfaxade, filho de Sem, este, filho de Noé, filho de Lameque;

[37] Lameque, filho de Metusalém, Metusalém, filho de Enoque, Enoque, filho de Jarede, este, filho de Maalalel, filho de Cainã;

[38] Cainã, filho de Enos, Enos, filho de Sete, e este, filho de Adão, filho de Deus.

Lucas 4

A tentação de Jesus

Mateus 4.1-11; Marcos 1.12-13

[1] Jesus, cheio do Espírito Santo, voltou do Jordão e foi guiado pelo mesmo Espírito, no deserto,

[2] durante quarenta dias, sendo tentado pelo diabo. Nada comeu naqueles dias, ao fim dos quais teve fome.

[31]mhic Mheilias, mhic Mheineá, mhic Mhatata, mhic Natam, mhic Dháiví

[32]mhic Iseái, mhic Ióbéid, mhic Bhóas, mhic Shalá, mhic Náiseon,

[33]mhic Aimineadab, mhic Aidmin, mhic Arnái, mhic Easróm, mhic Fhearas, mhic Iúdá,

[34]mhic Iacóib, mhic Íosác, mhic Abrahám, mhic Théara, mhic Nachór,

[35]mhic Sharúg, mhic Ragáu, mhic Fhailig, mhic Eibir, mhic Shalá,

[36]mhic Cháineam, mhic Arfaxad, mhic Shéam, mhic Naoi, mhic Laimich,

[37]mhic Mhatúsalá, mhic Eineoc, mhic Iarat, mhic Mhalalael, mhic Cháineam,

[38]mhic Eanós, mhic Shéat, mhic Ádhaimh, mhic Dé.

Lúcás 4

Íosa á Phromhadh ag Sátan

[1]Tháinig Íosa, agus é lán den Spioraid Naomh, ar ais ón Iordáin, agus seoladh faoi luí an Spioraid san fhásach é

[2]go ceann daichead lá, á phromhadh ag an diabhal. Agus níor ith sé aon ní sna laethanta sin, agus nuair a bhí siad caite bhí ocras air.

[3] Disse-lhe, então, o diabo: Se és o Filho de Deus, manda que esta pedra se transforme em pão.

[4] Mas Jesus lhe respondeu: Está escrito: Não só de pão viverá o homem.

[5] E, elevando-o, mostrou-lhe, num momento, todos os reinos do mundo.

[6] Disse-lhe o diabo: Dar-te-ei toda esta autoridade e a glória destes reinos, porque ela me foi entregue, e a dou a quem eu quiser.

[7] Portanto, se prostrado me adorares, toda será tua.

[8] Mas Jesus lhe respondeu: Está escrito: Ao SENHOR, teu Deus, adorarás e só a ele darás culto.

[9] Então, o levou a Jerusalém, e o colocou sobre o pináculo do templo, e disse: Se és o Filho de Deus, atira-te daqui abaixo;

[10] porque está escrito: Aos seus anjos ordenará a teu respeito que te guardem;

[11] e: Eles te susterão nas suas mãos, para não tropeçares nalguma pedra.

[12] Respondeu-lhe Jesus: Dito está: Não tentarás o SENHOR, teu Deus.

[13] Passadas que foram as tentações de toda sorte, apartou-se dele o diabo, até momento oportuno.

Jesus volta para a Galileia e principia a sua missão

Mateus 4.12-17; Marcos 1.14-15

[14] Então, Jesus, no poder do Espírito, regressou para a Galiléia, e a sua fama correu por toda a circunvizinhança.

[3]Dúirt an diabhal leis: “Más tú Mac Dé, abair leis an gcloch seo arán a dhéanamh di.”

[4]Agus d'fhreagair Íosa é: “Tá scríofa: ‘Ní ar arán amháin a mhairfidh an duine.’ ”

[5]Agus tar éis do é a sheoladh suas ar ard, thaispeáin sé dó ríochtaí uile na cruinne i nóiméad aimsire;

[6]agus dúirt an diabhal leis: “Tabharfaidh mé duit an forlámhas seo uile agus a nglóir siúd, óir is ar mo láimh a tugadh é, agus tugaim dó cibé is áil liom é.

[7]Dá bhrí sin, má dhéanann tusa adhradh i mo láthair, is leat é uile.”

[8]Dúirt Íosa leis á fhreagairt: “Tá scríofa: ‘Adharfaidh tú an Tiarna do Dhia, agus is dó amháin a bheidh tú ag seirbhís.’ ”

[9]Ansin sheol sé go Iarúsailéim é, chuir sé ar bhinn an Teampaill é agus dúirt leis: “Más tú Mac Dé, caith tú féin as seo síos;

[10]óir tá scríofa: ‘Tabharfaidh sé ordú dá aingil mar gheall ort, chun go ngardálfaidís tú’;

[11]agus: ‘Iompróidh siad ina lámha tú, le heagla go mbuailfeá do chos faoi chloch.’ ”

[12]Dúirt Íosa leis á fhreagairt: “Tá ráite: ‘Ní bhainfidh tú triail as an Tiarna do Dhia.’ ”

[13]Agus tar éis don diabhal é a phromhadh i ngach slí, d'fhág sé é nó go dtiocfadh an uain.

Íosa i Nazarat

[14]Agus d'fhill Íosa le neart an Spioraid ar an nGailíl, agus leath a cháil ar fud na tíre go léir.

[15] E ensinava nas sinagogas, sendo glorificado por todos.

[15]Agus bhíodh sé ag teagasc ina sionagóga, agus moladh ó chách air.

Jesus prega em Nazaré. É rejeitado pelos seus

Mateus 13.54-58; Marcos 6.1-4

[16] Indo para Nazaré, onde fora criado, entrou, num sábado, na sinagoga, segundo o seu costume, e levantou-se para ler.

[16]Tháinig sé go Nazará, mar ar oileadh é, agus chuaigh isteach mar ba ghnáthbhéas dó sa tsionagóg lá na sabóide, agus d'éirigh ina sheasamh chun an léitheoireacht a dhéanamh.

[17] Então, lhe deram o livro do profeta Isaías, e, abrindo o livro, achou o lugar onde estava escrito:

[17]Síneadh chuige leabhar Íseáia fáidh, agus ar oscailt an leabhair dó, fuair sé an t-ionad ina raibh scríofa:

[18] O Espírito do SENHOR está sobre mim, pelo que me ungiu para evangelizar os pobres; enviou-me para proclamar libertação aos cativos e restauração da vista aos cegos, para pôr em liberdade os oprimidos,

[18]“Tá Spiorad an Tiarna orm, mar gur choisric le hola mé. Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na boicht, ag fógairt a scaoilte do bhránna agus aiseag a radhairc do dhaill; ag scaoileadh lucht géarbhroide saor;

[19] e apregoar o ano aceitável do SENHOR.

[19]ag fógairt bhliain ghrásta an Tiarna.”

[20] Tendo fechado o livro, devolveu-o ao assistente e sentou-se; e todos na sinagoga tinham os olhos fitos nele.

[20]D'fhill sé an leabhar ina chéile, thug ar ais don seirbhíseach é, agus shuigh. Agus bhí súile a raibh sa tsionagóg dlúite air.

[21] Então, passou Jesus a dizer-lhes: Hoje, se cumpriu a Escritura que acabais de ouvir.

[21]Agus thosaigh sé ag rá leo: “Inniu atá an scríbhinn seo comhlíonta i gclos bhur gcluas.”

[22] Todos lhe davam testemunho, e se maravilhavam das palavras de graça que lhe saíam dos lábios, e perguntavam: Não é este o filho de José?

[22]Agus thug cách fianaise air, b'ionadh leo na briathra grástúla a bhí ag teacht as a bhéal, agus deiridís: “Nach é mac Iósaef é seo?”

[23] Disse-lhes Jesus: Sem dúvida, citar-me-eis este provérbio: Médico, cura-te a ti mesmo; tudo o que ouvimos ter-se dado em Cafarnaum, faze-o também aqui na tua terra.

[23]Agus dúirt sé leo: “Gan amhras, tagróidh sibh liom an seanfhocal: ‘A lia, leighis tú féin. Na nithe a chualamar déanta i gCafarnáum, déan anseo iad freisin i do dhúiche féin.’ ”

[24] E prosseguiu: De fato, vos afirmo que nenhum profeta é bem recebido na sua própria terra.

[25] Na verdade vos digo que muitas viúvas havia em Israel no tempo de Elias, quando o céu se fechou por três anos e seis meses, reinando grande fome em toda a terra;

[26] e a nenhuma delas foi Elias enviado, senão a uma viúva de Sarepta de Sidom.

[27] Havia também muitos leprosos em Israel nos dias do profeta Eliseu, e nenhum deles foi purificado, senão Naamã, o siro.

[28] Todos na sinagoga, ouvindo estas coisas, se encheram de ira.

[29] E, levantando-se, expulsaram-no da cidade e o levaram até ao cimo do monte sobre o qual estava edificada, para, de lá, o precipitarem abaixo.

[30] Jesus, porém, passando por entre eles, retirou-se.

A cura de um endemoninhado em Cafarnaum

Marcos 1.21-28

[31] E desceu a Cafarnaum, cidade da Galiléia, e os ensinava no sábado.

[32] E muito se maravilhavam da sua doutrina, porque a sua palavra era com autoridade.

[33] Achava-se na sinagoga um homem possesso de um espírito de demônio imundo, e bradou em alta voz:

[34] Ah! Que temos nós contigo, Jesus Nazareno? Vieste para perder-nos? Bem sei quem és: o Santo de Deus!

[24]Ach dúirt sé: “Deirim libh go fírinneach, fáidh ar bith ní ghlactar ina dhúiche féin.

[25]Ach go deimhin deirim libh, bhí mórán baintreach in Iosrael i laethanta Éilias, nuair a bhí an spéir dúnta ar feadh trí mblian agus sé mhí, ionas go raibh gorta mór sa tír go léir,

[26]agus ní chun aon duine acu a cuireadh Éilias ach chun mná baintrí i Saireipte i dtír na Síodóine.

[27]Agus bhí mórán lobhar in Iosrael le linn Eilíseá fáidh, ach aon duine acu sin níor glanadh ach Námán an Suíreach.”

[28]Agus a raibh sa tsionagóg, nuair a chuala siad an méid sin, líon siad d'fheirg,

[29]agus d'éirigh siad agus thiomáin amach as an gcathair é agus sheol é go dtí mala an chnoic ar a raibh a gcathair tógtha chun é a chaitheamh le faill.

[30]Ach ghabh sé trína lár agus d'imigh leis.

Teagasc agus Leighseanna i gCafarnáum

[31]Chuaigh sé síos go Cafarnáum, cathair sa Ghailíl. Agus bhí sé á dteagasc lá sabóide.

[32]Agus ghabh iontas iad faoina theagasc, óir bhí údarás lena bhriathar.

[33]Bhí sa tsionagóg duine a raibh spiorad deamhain mhíghlain ann, agus scread sé amach de ghlór ard:

[34]“Há, cad ab áil leat dínn, a Íosa Nazairéanaigh? Ar tháinig tú chun sinn a mhilleadh? Is eol dom cé hé tú: Naomh Dé.”

[35] Mas Jesus o repreendeu, dizendo: Cala-te e sai deste homem. O demônio, depois de o ter lançado por terra no meio de todos, saiu dele sem lhe fazer mal.

[35]Agus dúirt Íosa leis go bagrach: “Bí i do thost, agus imigh amach as.” Agus theilg an deamhan ar lár os comhair chách é agus d'imigh amach as, gan dochar a dhéanamh dó.

[36] Todos ficaram grandemente admirados e comentavam entre si, dizendo: Que palavra é esta, pois, com autoridade e poder, ordena aos espíritos imundos, e eles saem?

[36]Agus bhí alltacht ar chách agus bhí siad ag caint eatarthu féin a rá: “Cad é mar bhriathar é seo? Óir fógraíonn sé ar na spioraid mhíghlana le húdarás agus le cumhacht, agus gabhann siad amach.”

[37] E a sua fama corria por todos os lugares da circunvizinhança.

[37]Agus leath a chlú i ngach áit ar fud na tíre.

A cura da sogra de Pedro

Mateus 8.14-15; Marcos 1.29-31

[38] Deixando ele a sinagoga, foi para a casa de Simão. Ora, a sogra de Simão achava-se enferma, com febre muito alta; e rogaram-lhe por ela.

[38]Ar fhágáil na sionagóige dó, chuaigh sé isteach i dteach Shíomóin. Bhí máthair chéile Shíomóin gafa ag taom trom fiabhrais, agus rinne siad achainí air ar a son.

[39] Inclinando-se ele para ela, repreendeu a febre, e esta a deixou; e logo se levantou, passando a servi-los.

[39]Agus ina sheasamh dó os a cionn thug sé ordú géar don fhiabhras, agus d'fhág an fiabhras í; agus d'éirigh sí ar an mball agus thosaigh ag freastal orthu.

Muitas outras curas

Mateus 8.16-17; Marcos 1.32-34

[40] Ao pôr-do-sol, todos os que tinham enfermos de diferentes moléstias lhos traziam; e ele os curava, impondo as mãos sobre cada um.

[40]Ar dhul faoi don ghrian, cách a raibh daoine acu a bhí tinn ó aon sort galair, thug siad chuige iad; chuir sé a lámha ar gach duine acu agus leigheas iad.

[41] Também de muitos saíam demônios, gritando e dizendo: Tu és o Filho de Deus! Ele, porém, os repreendia para que não falassem, pois sabiam ser ele o Cristo.

[41]Agus bhí mórán freisin, a n-imíodh na deamhain amach astu, ag screadach agus ag rá: “Is tú Mac Dé.” Agus labhair sé leo go bagrach agus níor lig dóibh labhairt, óir bhí a fhios acu gurbh é an Críost é.

Jesus vai a um lugar deserto

Marcos 1.35-39

[42] Sendo dia, saiu e foi para um lugar deserto; as multidões o procuravam, e

[42]Nuair a bhí ina lá, ar dhul amach dó, chuaigh sé go dtí áit uaigneach. Ach bhí

foram até junto dele, e instavam para que não os deixasse.

[43] Ele, porém, lhes disse: É necessário que eu anuncie o evangelho do reino de Deus também às outras cidades, pois para isso é que fui enviado.

[44] E pregava nas sinagogas da Judéia.

Lucas 5

A pesca maravilhosa
Mateus 4.18-22; Marcos 1.16-20

[1] Aconteceu que, ao apertá-lo a multidão para ouvir a palavra de Deus, estava ele junto ao lago de Genesaré;
[2] e viu dois barcos junto à praia do lago; mas os pescadores, havendo desembarcado, lavavam as redes.
[3] Entrando em um dos barcos, que era o de Simão, pediu-lhe que o afastasse um pouco da praia; e, assentando-se, ensinava do barco as multidões.
[4] Quando acabou de falar, disse a Simão: Faze-te ao largo, e lançai as vossas redes para pescar.

[5] Respondeu-lhe Simão: Mestre, havendo trabalhado toda a noite, nada apanhamos, mas sob a tua palavra lançarei as redes.

[6] Isto fazendo, apanharam grande quantidade de peixes; e rompiam-se-lhes as redes.
[7] Então, fizeram sinais aos companheiros do outro barco, para que fossem ajudá-los. E foram e encheram ambos os barcos, a ponto de quase irem a pique.

na sluaite á lorg agus tháinig siad mar a raibh sé, agus bhí á choinneáil le heagla go n-imeodh sé uathu.

[43]Ach dúirt sé leo: “Ní foláir dom dea-scéal ríocht Dé a fhógairt do na cathracha eile, óir is chuige sin a cuireadh amach mé.”

[44] Agus bhíodh sé ag seanmóir i sionagóga Iúdáia.

Lúcás 5

An Ghabháil Mhíorúilteach Éisc

[1]Aon lá amháin, agus an slua ag brú isteach air ag éisteacht le briathar Dé, bhí sé ina sheasamh ar bhruach loch Gheinéasaireit,

[2]agus chonaic sé dhá bhád ina luí ar chladach an locha; bhí na hiascairí tar éis teacht amach astu agus iad ag ní na líonta.

[3]Chuaigh sé isteach i mbád acu, bád Shíomóin, agus d'iarr air tarraingt amach beagán ón talamh: ansin shuigh, agus thosaigh ag teagasc na sluaite as an mbád.

[4]Nuair a stad sé den chaint, dúirt sé le Síomón: “Tarraing amach san uisce domhain agus cuirigí amach bhur líonta ag iascach.”

[5]D'fhreagair Síomón agus dúirt: “A Mháistir, thugamar an oíche go léir ag saothrú agus níor thógamar aon ní; ach i ngeall ar d'fhocalsa, cuirfidh mé amach na líonta.”

[6]Nuair a rinne siad é sin, cheap siad clais mhór éisc. Bhí a gcuid líonta ag briseadh,

[7]agus sméid siad ar a gcomrádaithe sa bhád eile teacht i gcabhair orthu. Tháinig siad agus líon an dá bhád nó go raibh siad ar tí dul faoi.

[8] Vendo isto, Simão Pedro prostrou-se aos pés de Jesus, dizendo: SENHOR, retira-te de mim, porque sou pecador.

[9] Pois, à vista da pesca que fizeram, a admiração se apoderou dele e de todos os seus companheiros,

[10] bem como de Tiago e João, filhos de Zebedeu, que eram seus sócios. Disse Jesus a Simão: Não temas; doravante serás pescador de homens.

[11] E, arrastando eles os barcos sobre a praia, deixando tudo, o seguiram.

A cura de um leproso

Mateus 8.1-4; Marcos 1.40-45

[12] Aconteceu que, estando ele numa das cidades, veio à sua presença um homem coberto de lepra; ao ver a Jesus, prostrando-se com o rosto em terra, suplicou-lhe: SENHOR, se quiseres, podes purificar-me.

[13] E ele, estendendo a mão, tocou-lhe, dizendo: Quero, fica limpo! E, no mesmo instante, lhe desapareceu a lepra.

[14] Ordenou-lhe Jesus que a ninguém o dissesse, mas vai, disse, mostra-te ao sacerdote e oferece, pela tua purificação, o sacrifício que Moisés determinou, para servir de testemunho ao povo.

[15] Porém o que se dizia a seu respeito cada vez mais se divulgava, e grandes multidões afluíam para o ouvirem e serem curadas de suas enfermidades.

[16] Ele, porém, se retirava para lugares solitários e orava.

A cura de um paralítico em Cafarnaum

Mateus 9.1-8; Marcos 2.1-12

[8]Nuair a chonaic Síomón Peadar é sin, chaith sé é féin ag glúine Íosa ag rá: “Imigh uaim, a Thiarna, mar is peacach mé.”

[9]Óir ghabh alltacht é féin agus a chompánaigh uile faoin ngabháil éisc a thóg siad

[10]agus mar an gcéanna do Shéamas agus d'Eoin, clann Zeibidé, a bhí i bpáirt le Síomón. Agus dúirt Íosa le Síomón: “Ná bíodh eagla ort, as seo amach is daoine a bheidh tú a ghabháil.”

[11]Agus tharraing siad na báid aníos ar an trá, d'fhág siad gach uile ní agus lean é.

Lobhar á Leigheas, agus Pairiliseach

[12]I gcathair áirithe dó, tharla fear ann a bhí lán de lobhra: agus ar fheiceáil Íosa dó, chaith sé é féin ar a bhéal agus rinne impí air á rá: “A Thiarna, más áil leat é, is féidir duit mé a ghlanadh.”

[13]Agus shín sé amach a lámh agus bhain leis, ag rá: “Is áil, glantar thú!” Agus d'fhág an lobhra é láithreach.

[14]Agus thug sé ordú dó gan a insint d'aon duine: “Ach imigh, taispeáin thú féin don sagart, agus déan an ofráil de chionn do ghlanta de réir mar a d'ordaigh Maois, mar fhianaise dóibh.”

[15]Ba mhóide i gcónaí a bhí an tuairisc air ag leathnú, agus tháinig na daoine ina sluaite móra ag éisteacht leis agus ag fáil leigheas ar a n-éagruais.

[16]Ach théadh sé féin i leataobh isteach sna fásaigh agus dhéanadh guí.

[17] Ora, aconteceu que, num daqueles dias, estava ele ensinando, e achavam-se ali assentados fariseus e mestres da Lei, vindos de todas as aldeias da Galiléia, da Judéia e de Jerusalém. E o poder do SENHOR estava com ele para curar.

[18] Vieram, então, uns homens trazendo em um leito um paralítico; e procuravam introduzi-lo e pô-lo diante de Jesus.

[19] E, não achando por onde introduzi-lo por causa da multidão, subindo ao eirado, o desceram no leito, por entre os ladrilhos, para o meio, diante de Jesus.

[20] Vendo-lhes a fé, Jesus disse ao paralítico: Homem, estão perdoados os teus pecados.

[21] E os escribas e fariseus arrazoavam, dizendo: Quem é este que diz blasfêmias? Quem pode perdoar pecados, senão Deus?

[22] Jesus, porém, conhecendo-lhes os pensamentos, disse-lhes: Que arrazoais em vosso coração?

[23] Qual é mais fácil, dizer: Estão perdoados os teus pecados ou: Levanta-te e anda?

[24] Mas, para que saibais que o Filho do Homem tem sobre a terra autoridade para perdoar pecados – disse ao paralítico: Eu te ordeno: Levanta-te, toma o teu leito e vai para casa.

[25] Imediatamente, se levantou diante deles e, tomando o leito em que permanecera deitado, voltou para casa, glorificando a Deus.

[17]Tharla aon lá amháin agus é ag teagasc, go raibh Fairisínigh agus máistrí dlí ina suí ann a bhí tar éis teacht as gach baile sa Ghailíl agus in Iúdáia, agus as Iarúsailéim freisin; agus bhí cumhacht an Tiarna ag tabhairt air bheith ag déanamh leigheas.

[18]Tháinig fir an treo agus iad ag iompar ar leaba duine a bhí ina phairiliseach, agus bhí siad ag iarraidh é a bhreith isteach agus é a chur ina láthair.

[19]Nuair nach bhfuair siad slí chun é a bhreith isteach mar gheall ar an slua, chuaigh siad in airde ar an teach agus scaoil síos trí na leaca é féin agus an réleaba i lár baill os comhair Íosa.

[20]Nuair a chonaic sé an creideamh a bhí acu, dúirt: “A dhuine, tá do pheacaí maite duit.”

[21]Agus thosaigh na scríobhaithe agus na Fairisínigh ag smaoineamh: “Cé hé seo a labhraíonn diamhaslaí? Cé a fhéadann peacaí a mhaitheamh ach Dia amháin?”

[22]Ach thuig Íosa na smaointe a bhí acu, agus dúirt sé leo á bhfreagairt: “Cad chuige a bhfuil na smaointe seo in bhur gcroí?

[23]Cé acu is fusa a rá: ‘Tá do pheacaí maite duit’; nó a rá: ‘Éirigh agus siúil’?

[24]Ach chun go mbeadh a fhios agaibh go bhfuil údarás ag Mac an Duine ar an talamh chun peacaí a mhaitheamh - deirim leat,” ar seisean leis an bpairiliseach, “éirigh, tóg leat do réleaba, agus imigh abhaile.”

[25]Agus ar an mball, d'éirigh seisean ina láthair, thóg suas an rud a bhí faoi, agus chuaigh abhaile ag tabhairt glóire do Dhia.

[26] Todos ficaram atônitos, davam glória a Deus e, possuídos de temor, diziam: Hoje, vimos prodígios.

A vocação de Levi
Mateus 9.9; Marcos 2.13-14

[27] Passadas estas coisas, saindo, viu um publicano, chamado Levi, assentado na coletoria, e disse-lhe: Segue-me!

[28] Ele se levantou e, deixando tudo, o seguiu.

Jesus come com pecadores
Mateus 9.10-13; Marcos 2.15-17

[29] Então, lhe ofereceu Levi um grande banquete em sua casa; e numerosos publicanos e outros estavam com eles à mesa.

[30] Os fariseus e seus escribas murmuravam contra os discípulos de Jesus, perguntando: Por que comeis e bebeis com os publicanos e pecadores?

[31] Respondeu-lhes Jesus: Os sãos não precisam de médico, e sim os doentes.

[32] Não vim chamar justos, e sim pecadores, ao arrependimento.

Do jejum
Mateus 9.14-17; Marcos 2.18-22

[33] Disseram-lhe eles: Os discípulos de João e bem assim os dos fariseus freqüentemente jejuam e fazem orações; os teus, entretanto, comem e bebem.

[34] Jesus, porém, lhes disse: Podeis fazer jejuar os convidados para o casamento, enquanto está com eles o noivo?

[26]Agus ghabh uafás iad uile, agus bhí siad ag tabhairt glóire do Dhia, agus líon siad d'uamhan agus deiridís: “Tá nithe iontacha feicthe againn inniu.”

Léiví á Ghlaoch

[27]Ina dhiaidh sin chuaigh sé amach agus thug faoi deara poibleacánach darb ainm Léiví, ina shuí i dteach an chustaim, agus dúirt leis: “Lean mise.”

[28]D'fhág sé gach aon ní, d'éirigh agus lean é.

[29]Agus rinne Léiví fleá mhór dó ina theach, agus bhí cuideachta líonmhar de phoibleacánaigh agus de dhaoine eile ina luí ag bord ina gcuibhreann.

[30]Agus bhí na Fairisínigh agus a gcuid scríobhaithe ag monabhar, á rá lena dheisceabail: “Cad chuige a bhfuil sibh ag ithe agus ag ól leis na poibleacánaigh agus na peacaigh?”

[31]Agus dúirt Íosa leo á bhfreagairt: “Ní ag na daoine folláine a bhíonn gá le lia, ach ag na daoine tinne.

[32]Ní hiad na fíréin ach na peacaigh a bhfuilim tagtha á nglaoch chun aithrí.”

Ceist Faoin Troscadh

[33]Dúirt siad leis: “Bíonn deisceabail Eoin ag troscadh go minic agus ag déanamh urnaithe, agus deisceabail na bhFairisíneach mar an gcéanna; ach iad seo agatsa, bíonn siad ag ithe agus ag ól.”

[34]Dúirt Íosa leo: “An féidir libh a thabhairt ar ógánaigh na bainse troscadh a dhéanamh, le linn don fhear nuaphósta bheith leo?

[35] Dias virão, contudo, em que lhes será tirado o noivo; naqueles dias, sim, jejuarão.

[36] Também lhes disse uma parábola: Ninguém tira um pedaço de veste nova e o põe em veste velha; pois rasgará a nova, e o remendo da nova não se ajustará à velha.

[37] E ninguém põe vinho novo em odres velhos, pois o vinho novo romperá os odres; entornar-se-á o vinho, e os odres se estragarão.

[38] Pelo contrário, vinho novo deve ser posto em odres novos [e ambos se conservam].

[39] E ninguém, tendo bebido o vinho velho, prefere o novo; porque diz: O velho é excelente.

[35]Ach tiocfaidh na laethanta, agus nuair a bheidh an fear nuaphósta tógtha uathu, ansin déanfaidh siad troscadh sna laethanta sin.”

[36]Agus dúirt sé parabal leo: “Ní shracann aon duine píosa as casóg nua lena chur mar phreabán ar sheanchasóg: má dhéanann, beidh an chasóg nua sractha aige, agus fós ní réiteoidh an preabán as an gcasóg nua leis an sean.

[37]Ná ní chuireann aon duine fíon nua i seanseithí: má chuireann, pléascfaidh an fíon nua na seithí; doirtfear an fíon agus millfear na seithí.

[38]Ach fíon nua i seithí nua is cóir a chur.

[39]Agus ní áil le haon duine an nua tar éis dó an sean a ól; óir deir sé: ‘Is é an sean an fíon maith.’ ”

Lucas 6

Jesus é senhor do sábado

Mateus 12.1-8; Marcos 2.23-28

[1] Aconteceu que, num sábado, passando Jesus pelas searas, os seus discípulos colhiam e comiam espigas, debulhando-as com as mãos.

[2] E alguns dos fariseus lhes disseram: Por que fazeis o que não é lícito aos sábados?

[3] Respondeu-lhes Jesus: Nem ao menos tendes lido o que fez Davi, quando teve fome, ele e seus companheiros?

[4] Como entrou na casa de Deus, tomou, e comeu os pães da proposição, e os deu aos que com ele estavam, pães que não lhes

Lúcás 6

Dhá Cheist faoi Dhlí na Sabóide

[1]Ansin, lá sabóide, nuair a bhí sé ag gabháil trí ghoirt arbhair, thosaigh a dheisceabail ag stoitheadh na ndias agus á n-ithe, tar éis iad a chuimilt idir a mbosa.

[2]Dúirt cuid de na Fairisínigh: “Cad chuige a bhfuil sibh ag déanamh ruda nach dleathach a dhéanamh lá sabóide?”

[3]Agus d'fhreagair Íosa iad á rá: “An ea nár léigh sibh faoin rud úd a rinne Dáiví nuair a bhí ocras air féin agus ar a chompánaigh -

[4]mar a chuaigh sé isteach i dteach Dé agus thóg builíní na fianaise agus d'ith, agus thug dá chompánaigh iad, siúd is nach dleathach iad a ithe ach do na sagairt amháin?”

era lícito comer, mas exclusivamente aos sacerdotes?

5 E acrescentou-lhes: O Filho do Homem é senhor do sábado.

5Agus dúirt sé leo: “Tá Mac an Duine ina mháistir ar an tsabóid féin.”

O homem da mão ressequida
Mateus 12.9-14; Marcos 3.1-6

6 Sucedeu que, em outro sábado, entrou ele na sinagoga e ensinava. Ora, achava-se ali um homem cuja mão direita estava ressequida.

6Ansin, lá sabóide eile, chuaigh sé isteach sa tsionagóg agus thosaigh ag teagasc. Bhí fear ann a raibh a lámh dheas seargtha.

7 Os escribas e os fariseus observavam-no, procurando ver se ele faria uma cura no sábado, a fim de acharem de que o acusar.

7Bhí na scríobhaithe agus na Fairisínigh ag faire go géar air féachaint an ndéanfadh sé leigheas lá na sabóide, chun go bhfaighidís cion le cur ina leith.

8 Mas ele, conhecendo-lhes os pensamentos, disse ao homem da mão ressequida: Levanta-te e vem para o meio; e ele, levantando-se, permaneceu de pé.

8Ach bhí fios a smaointe aige agus dúirt le fear na láimhe seargtha: “Éirigh i do sheasamh os comhair chách.” D'éirigh sé ina sheasamh.

9 Então, disse Jesus a eles: Que vos parece? É lícito, no sábado, fazer o bem ou o mal? Salvar a vida ou deixá-la perecer?

9Dúirt Íosa leo: “Fiafraím díbh, cé acu is dleathach a dhéanamh lá sabóide, an mhaith nó an t-olc, anam a shaoradh nó a mhilleadh?”

10 E, fitando todos ao redor, disse ao homem: Estende a mão. Ele assim o fez, e a mão lhe foi restaurada.

10Agus ar dhearcadh timpeall orthu uile, dúirt sé leis: “Sín amach do lámh.” Shín, agus bhí a lámh slán arís.

11 Mas eles se encheram de furor e discutiam entre si quanto ao que fariam a Jesus.

11Agus líon siad siúd de bhuile, agus bhí siad ag beartú le chéile cad a d'fhéadfaidís a dhéanamh le hÍosa.

A escolha dos doze apóstolos. Os seus nomes
Mateus 10.1-4; Marcos 3.13-19

An Dáréag á dToghadh

12 Naqueles dias, retirou-se para o monte, a fim de orar, e passou a noite orando a Deus.

12Tharla sna laethanta sin go ndeachaigh sé amach faoin sliabh chun guí, agus thug an oíche go léir ag guí Dé.

13 E, quando amanheceu, chamou a si os seus discípulos e escolheu doze dentre eles, aos quais deu também o nome de apóstolos:

13Agus nuair a bhí ina lá, ghoir sé chuige a dheisceabail, agus thogh dáréag astu agus thug mar ainm orthu, aspail:

[14] Simão, a quem acrescentou o nome de Pedro, e André, seu irmão; Tiago e João; Filipe e Bartolomeu;

[15] Mateus e Tomé; Tiago, filho de Alfeu, e Simão, chamado Zelote;

[16] Judas, filho de Tiago, e Judas Iscariotes, que se tornou traidor.

[14]Síomón, ar ar thug sé Peadar, agus Aindrias a dheartháir, Séamas agus Eoin, Pilib agus Parthalán,

[15]Matha agus Tomás, Séamas mac Alfáias, agus Síomón ar a nglaotar an díograiseach,

[16]Iúdás mac Shéamais, agus Iúdás Isceiriót a d'iompaigh ina bhrathadóir.

Jesus cura muitos enfermos

Mateus 4.23-25

[17] E, descendo com eles, parou numa planura onde se encontravam muitos discípulos seus e grande multidão do povo, de toda a Judéia, de Jerusalém e do litoral de Tiro e de Sidom,

[18] que vieram para o ouvirem e serem curados de suas enfermidades; também os atormentados por espíritos imundos eram curados.

[19] E todos da multidão procuravam tocá-lo, porque dele saía poder; e curava todos.

[17]Ar theacht anuas dó in éineacht leo, sheas sé ar thalamh réidh, agus bhí ansin comhthionól mór dá dheisceabail agus slua mór den phobal as Iúdáia go léir agus as Iarúsailéim agus as cósta na Tuíre agus na Síodóine

[18]a tháinig ag éisteacht leis agus ag fáil leigheas ar a ngalair; agus iad seo freisin a bhí á gcrá ag spioraid mhíghlana, bhí siad á leigheas.

[19]Agus bhí an slua ar fad ag iarraidh baint leis, óir bhí cumhacht ag teacht uaidh agus á leigheas uile.

As bem-aventuranças

Mateus 5.1-12

Na Biáide agus na Mairgí

[20] Então, olhando ele para os seus discípulos, disse-lhes: Bem-aventurados vós, os pobres, porque vosso é o reino de Deus.

[21] Bem-aventurados vós, os que agora tendes fome, porque sereis fartos. Bem-aventurados vós, os que agora chorais, porque haveis de rir.

[22] Bem-aventurados sois quando os homens vos odiarem e quando vos expulsarem da sua companhia, vos injuriarem e rejeitarem o vosso nome como indigno, por causa do Filho do Homem.

[20]Agus d'ardaigh sé a shúile i dtreo a dheisceabal agus dúirt: “Is méanar daoibhse atá bocht, óir is libh ríocht Dé.

[21]“Is méanar daoibhse a bhfuil ocras oraibh anois, óir sásófar sibh. “Is méanar daoibhse atá ag gol anois, óir déanfaidh sibh gáire.

[22]“Is méanar daoibh nuair is fuath le daoine sibh agus nuair a scarfaidh siad amach sibh agus bhur n-ainm a aithisiú agus a fhógairt mar dhrochainm, mar gheall ar Mhac an Duine.

[23] Regozijai-vos naquele dia e exultai, porque grande é o vosso galardão no céu; pois dessa forma procederam seus pais com os profetas.

[23]Bígí lúcháireach an lá sin, bígí ag léimneach le háthas, óir féach, is mór é bhur dtuarastal ar neamh. Óir is sa chaoi chéanna a dhéanadh a n-aithreacha leis na fáithe.

Os ais

[24] Mas ai de vós, os ricos! Porque tendes a vossa consolação.

[24]“Ach is mairg daoibhse atá saibhir, óir tá bhur sólás faighte agaibh cheana.

[25] Ai de vós, os que estais agora fartos! Porque vireis a ter fome. Ai de vós, os que agora rides! Porque haveis de lamentar e chorar.

[25]“Is mairg daoibhse atá sách anois, óir beidh ocras oraibh. “Is mairg daoibhse a dhéanann gáire anois, óir déanfaidh sibh brón agus gol.

[26] Ai de vós, quando todos vos louvarem! Porque assim procederam seus pais com os falsos profetas.

[26]“Is mairg daoibh nuair a bheidh cách ag labhairt go maith oraibh. Óir is sa chaoi chéanna a dhéanadh a n-aithreacha leis na fáithe bréagacha.

Da vingança
Mateus 5.38-42

Grá do Naimhde

[27] Digo-vos, porém, a vós outros que me ouvis: amai os vossos inimigos, fazei o bem aos que vos odeiam;

[27]“Ach deirim libhse atá ag éisteacht liom: bíodh grá agaibh do bhur naimhde, déanaigí an mhaith dóibh seo a thugann fuath daoibh,

[28] bendizei aos que vos maldizem, orai pelos que vos caluniam.

[28]beannaígí iad seo a thugann mallacht daoibh, guígí orthu seo a dhéanann olc oraibh.

[29] Ao que te bate numa face, oferece-lhe também a outra; e, ao que tirar a tua capa, deixa-o levar também a túnica;

[29]An té a bhuaileann ar an leiceann tú, tabhair an leiceann eile leis chomh maith; agus an té a thógann uait do bhrat, ná coinnigh uaidh do chóta.

[30] dá a todo o que te pede; e, se alguém levar o que é teu, não entres em demanda.

[30]Gach aon duine a iarrann aisce ort, tabhair dó í, agus an té a bhaineann díot do chuid, ná hiarr ar ais uaidh é.

[31] Como quereis que os homens vos façam, assim fazei-o vós também a eles.

[31]Dé réir mar ab áil libh daoine a dhéanamh daoibh, déanaigí dóibh sin mar an gcéanna.

Do amor ao próximo
Mateus 5.43-48

[32] Se amais os que vos amam, qual é a vossa recompensa? Porque até os pecadores amam aos que os amam.

[32]Má thugann sibh grá dóibh seo a thugann grá daoibh, cad é an buíochas atá oraibh? Óir tugann na peacaigh féin grá dóibh seo a thugann grá dóibh.

[33] Se fizerdes o bem aos que vos fazem o bem, qual é a vossa recompensa? Até os pecadores fazem isso.

[34] E, se emprestais àqueles de quem esperais receber, qual é a vossa recompensa? Também os pecadores emprestam aos pecadores, para receberem outro tanto.

[35] Amai, porém, os vossos inimigos, fazei o bem e emprestai, sem esperar nenhuma paga; será grande o vosso galardão, e sereis filhos do Altíssimo. Pois ele é benigno até para com os ingratos e maus.

[36] Sede misericordiosos, como também é misericordioso vosso Pai.

O juízo temerário é proibido

Mateus 7.1-5

[37] Não julgueis e não sereis julgados; não condeneis e não sereis condenados; perdoai e sereis perdoados;

[38] dai, e dar-se-vos-á; boa medida, recalcada, sacudida, transbordante, generosamente vos darão; porque com a medida com que tiverdes medido vos medirão também.

A parábola do cego que guia a outro cego

[39] Propôs-lhes também uma parábola: Pode, porventura, um cego guiar a outro cego? Não cairão ambos no barranco?

[40] O discípulo não está acima do seu mestre; todo aquele, porém, que for bem instruído será como o seu mestre.

[41] Por que vês tu o argueiro no olho de teu irmão, porém não reparas na trave que está no teu próprio?

[33]Agus má dhéanann sibh an mhaith dóibh seo a dhéanann an mhaith daoibh, cad é an buíochas atá oraibh? Déanann na peacaigh féin an rud céanna.

[34]Agus má thugann sibh iasacht dóibh seo gur dóigh mhaith agaibh iad, cad é an buíochas atá oraibh? Fiú amháin peacaigh, tugann siad iasacht do pheacaigh chun go bhfaighidís an oiread céanna ar ais.

[35]Ach bíodh grá agaibh do bhur naimhde, déanaigí an mhaith agus tugaigí iasacht gan súil le cúiteamh ar bith, agus is mór é bhur dtuarastal, agus beidh sibh in bhur gclann don Té is Airde, óir bíonn seisean lách le daoine díomaíocha agus le drochdhaoine.

[36]Bígí sibhse atruach amhail mar atá bhur nAthair atruach.

[37]Ná tugaigí breith agus ní thabharfar breith oraibh. Ná daoraigí agus ní dhaorfar sibh. Maithigí agus maithfear daoibh.

[38]Tugaigí agus tabharfar daoibh: tomhas maith, fuinte, craite, cruachta a chuirfear chugaibh in bhur n-ucht; óir is leis an tomhas lena dtomhaiseann sibh a thomhaisfear chugaibh ar ais.”

Conas an Chomharsa a Leasú

[39]Agus dúirt sé parabal leo: “An féidir do dhall bheith ina ghiolla i gcionn daill? Nach dtitfidh siad araon sa díg?

[40]Níl an deisceabal os cionn an mháistir; ach nuair a bhíonn deireadh foghlamtha aige beidh gach deisceabal mar atá a mháistir.

[41]Cad chuige a bhfeiceann tú an cáithnín i súil do bhráthar agus nach n-airíonn tú an tsail atá i do shúil féin?

[42] Como poderás dizer a teu irmão: Deixa, irmão, que eu tire o argueiro do teu olho, não vendo tu mesmo a trave que está no teu? Hipócrita, tira primeiro a trave do teu olho e, então, verás claramente para tirar o argueiro que está no olho de teu irmão.

[42]Conas is féidir duit a rá le do bhráthair: 'A bhráthair, fan go mbaine mé as do shúil an cáithnín atá inti, ' agus nach bhfeiceann tú an tsail atá i do shúil féin? A bhréagchráifigh, bain ar dtús an tsail as do shúil féin, agus ansin is fearrde a fheicfidh tú an cáithnín atá i súil do bhráthar a bhaint aisti.

Árvores e seus frutos

Mateus 12.33-35

[43] Não há árvore boa que dê mau fruto; nem tampouco árvore má que dê bom fruto.

[43]Óir níl crann maith a thugann drochthoradh, ná fós drochchrann a thugann toradh fónta.

[44] Porquanto cada árvore é conhecida pelo seu próprio fruto. Porque não se colhem figos de espinheiros, nem dos abrolhos se vindimam uvas.

[44]Óir is ar a thoradh féin a aithnítear gach crann. Óir ní bhaintear fígí de dheilgneach, ná ní phioctar fíonchaor de dhriseog.

[45] O homem bom do bom tesouro do coração tira o bem, e o mau do mau tesouro tira o mal; porque a boca fala do que está cheio o coração.

[45]Tógann an dea-dhuine an dea-rud amach as dea-stór a chroí, agus tógann an drochdhuine an drochrud amach as a dhrochstór. Óir is as iomarca a chroí a labhraíonn a bhéal.

Os dois fundamentos

Mateus 7.24-27

[46] Por que me chamais SENHOR, SENHOR, e não fazeis o que vos mando?

[46]Ach cad chuige a nglaonn sibh orm 'A Thiarna, a Thiarna, ' agus nach ndéanann sibh a ndeirim?

Is gá an Teagasc a Chur i nGníomh

[47] Todo aquele que vem a mim, e ouve as minhas palavras, e as pratica, eu vos mostrarei a quem é semelhante.

[47]"Gach aon duine a thagann chugam agus a chluineann mo bhriathra agus a dhéanann dá réir, taispeánfaidh mé daoibh cé leis a bhfuil sé cosúil.

[48] É semelhante a um homem que, edificando uma casa, cavou, abriu profunda vala e lançou o alicerce sobre a rocha; e, vindo a enchente, arrojou-se o rio contra aquela casa e não a pôde abalar, por ter sido bem construída.

[48]Tá sé cosúil le fear ag tógáil tí, a rinne romhar agus tochailt agus a leag an bonn ar an gcarraig. Agus ar theacht don tuile, bhrúcht an chaise i gcoinne an tí sin, ach níor fhéad sé é bhogadh ar a fheabhas a bhí sé tógtha.

[49] Mas o que ouve e não pratica é semelhante a um homem que edificou uma casa sobre a terra sem alicerces, e,

[49]"An té, áfach, a chuala agus nach ndearna, tá sé cosúil le fear a thóg teach ar an talamh gan bonn faoi, gur bhrúcht an tuile ina

arrojando-se o rio contra ela, logo desabou; e aconteceu que foi grande a ruína daquela casa.

choinne, agus thit ar a chéile láithreach; agus ba mhór é treascairt an tí sin.”

Lucas 7

A cura do servo de um centurião

Mateus 8.5-13

[1] Tendo Jesus concluído todas as suas palavras dirigidas ao povo, entrou em Cafarnaum.

[2] E o servo de um centurião, a quem este muito estimava, estava doente, quase à morte.

[3] Tendo ouvido falar a respeito de Jesus, enviou-lhe alguns anciãos dos judeus, pedindo-lhe que viesse curar o seu servo.

[4] Estes, chegando-se a Jesus, com instância lhe suplicaram, dizendo: Ele é digno de que lhe faças isto;

[5] porque é amigo do nosso povo, e ele mesmo nos edificou a sinagoga.

[6] Então, Jesus foi com eles. E, já perto da casa, o centurião enviou-lhe amigos para lhe dizer: SENHOR, não te incomodes, porque não sou digno de que entres em minha casa.

[7] Por isso, eu mesmo não me julguei digno de ir ter contigo; porém manda com uma palavra, e o meu rapaz será curado.

[8] Porque também eu sou homem sujeito à autoridade, e tenho soldados às minhas ordens, e digo a este: vai, e ele vai; e a outro: vem, e ele vem; e ao meu servo: faze isto, e ele o faz.

[9] Ouvidas estas palavras, admirou-se Jesus dele e, voltando-se para o povo que o

Lúcás 7

Giolla an Taoisigh Céad á Leigheas

[1]Nuair a bhí a bhriathra uile críochnaithe aige i gcomhchlos don phobal, chuaigh sé isteach i gCafarnáum.

[2]Bhí taoiseach céad a raibh seirbhíseach leis tinn agus le hucht báis, agus b'ionúin leis é.

[3]Nuair a chuala sé trácht ar Íosa, chuir sé chuige seanóirí de na Giúdaigh á iarraidh air teacht agus a sheirbhíseach a shlanú.

[4]Ar theacht i láthair Íosa dóibh sin, bhí siad ag achainí air go díocasach, á rá: “Is maith an díol air go dtabharfá an aisce seo dó;

[5]óir tá grá aige dár náisiún agus is é a thóg an tsionagóg dúinn.”

[6]Agus d'imigh Íosa leo. Ní raibh sé i bhfad ón teach nuair a chuir an taoiseach céad cairde chuige á rá leis: “A Thiarna, ná cuir as duit féin, óir ní fiú mé go dtiocfá isteach faoi dhíon mo thí:

[7]sin é an fáth nár mheas mé gurbh fhiú mé dul chugat; ach abair an focal agus bíodh mo ghiolla leigheasta.

[8]Óir is duine mé féin atá i mo ghearroifigeach de réir ranga, agus tá saighdiúirí agam fúm, agus deirim leis seo: ‘Imigh! ’ agus imíonn, agus leis seo eile: ‘Tar! ’ agus tagann, agus le mo sheirbhíseach: ‘Déan seo! ’ agus déanann.”

[9]Nuair a chuala Íosa an méid sin, rinne sé ionadh den duine, agus, ag iompú chun an tslua a bhí á leanuint, dúirt: “Deirim libh, ní

acompanhava, disse: Afirmo-vos que nem mesmo em Israel achei fé como esta.

10 E, voltando para casa os que foram enviados, encontraram curado o servo.

A ressurreição do filho da viúva de Naim

11 Em dia subseqüente, dirigia-se Jesus a uma cidade chamada Naim, e iam com ele os seus discípulos e numerosa multidão.

12 Como se aproximasse da porta da cidade, eis que saía o enterro do filho único de uma viúva; e grande multidão da cidade ia com ela.

13 Vendo-a, o SENHOR se compadeceu dela e lhe disse: Não chores!

14 Chegando-se, tocou o esquife e, parando os que o conduziam, disse: Jovem, eu te mando: levanta-te!

15 Sentou-se o que estivera morto e passou a falar; e Jesus o restituiu a sua mãe.

16 Todos ficaram possuídos de temor e glorificavam a Deus, dizendo: Grande profeta se levantou entre nós; e: Deus visitou o seu povo.

17 Esta notícia a respeito dele divulgou-se por toda a Judéia e por toda a circunvizinhança.

João envia mensageiros a Jesus

Mateus 11.2-6

18 Todas estas coisas foram referidas a João pelos seus discípulos. E João, chamando dois deles,

19 enviou-os ao SENHOR para perguntar: És tu aquele que estava para vir ou havemos de esperar outro?

20 Quando os homens chegaram junto dele, disseram: João Batista enviou-nos

bhfuair mé in Iosrael féin creideamh chomh láidir leis seo."

10Agus ar dhul ar ais chun an tí dóibh, fuair na teachtairí an seirbhíseach slán.

Aiséirí Mhac na Baintrí

11Tharla ina dhiaidh sin go ndeachaigh sé isteach i gcathair ar a nglaotar Náín, agus bhí a dheisceabail agus slua mór á thionlacan.

12Agus nuair a bhí sé i ngar do gheata na cathrach, bhí marbh á thabhairt amach le cur, aonmhac a mháthar, agus ise ina baintreach, agus sochraid mhór de mhuintir na cathrach léi.

13Agus nuair a chonaic an Tiarna í, ghlac sé trua di agus dúirt léi: "Ná bí ag gol."

14Agus chuaigh sé anonn agus bhain leis an gcróchar, agus stad an lucht iompair. Agus dúirt sé: "A fhir óig, deirim leat, éirigh!"

15Agus d'éirigh an marbh aniar, agus thosaigh ag caint, agus thug sé dá mháthair é.

16Agus ghabh uamhan cách, agus bhí siad ag tabhairt glóire do Dhia, ag rá: "Tá fáidh mór éirithe inar measc"; agus: "Rinne Dia a phobal a fhiosrú."

17Agus leath an tuairisc sin air ar fud Iúdáia go léir agus na tíre go léir timpeall.

Teachtairí ó Eoin Baiste: Moladh ar Eoin

18D'inis deisceabail Eoin na nithe sin uile dó, agus ghlaoigh Eoin beirt dá dheisceabail chuige

19agus chuir scéala go dtí an Tiarna á rá: "An tú an té atá le teacht, nó an ceart dúinn bheith ag súil le duine eile?"

20Nuair a tháinig na fir ina láthair dúirt siad: "Chuir Eoin Baiste chugat sinn á rá: 'An tú an

para te perguntar: És tu aquele que estava para vir ou esperaremos outro?

[21] Naquela mesma hora, curou Jesus muitos de moléstias, e de flagelos, e de espíritos malignos; e deu vista a muitos cegos.

[22] Então, Jesus lhes respondeu: Ide e anunciai a João o que vistes e ouvistes: os cegos vêem, os coxos andam, os leprosos são purificados, os surdos ouvem, os mortos são ressuscitados, e aos pobres, anuncia-se-lhes o evangelho.

[23] E bem-aventurado é aquele que não achar em mim motivo de tropeço.

Jesus dá testemunho de João

Mateus 11.7-19

[24] Tendo-se retirado os mensageiros, passou Jesus a dizer ao povo a respeito de João: Que saístes a ver no deserto? Um caniço agitado pelo vento?

[25] Que saístes a ver? Um homem vestido de roupas finas? Os que se vestem bem e vivem no luxo assistem nos palácios dos reis.

[26] Sim, que saístes a ver? Um profeta? Sim, eu vos digo, e muito mais que profeta.

[27] Este é aquele de quem está escrito: Eis aí envio diante da tua face o meu mensageiro, o qual preparará o teu caminho diante de ti.

[28] E eu vos digo: entre os nascidos de mulher, ninguém é maior do que João; mas o menor no reino de Deus é maior do que ele.

té atá le teacht, nó an ceart dúinn bheith ag súil le duine eile? ’ ”

[21]An uair sin féin leigheas sé mórán óna ngalair agus óna n-éagruais agus ó dhrochspioraid, agus thug bua an radhairc do mhórán dall.

[22]Agus dúirt sé leo á bhfreagairt: “Imígí agus insígí d'Eoin a bhfuil feicthe agus cloiste agaibh: tá radharc ag daill, tá siúl ag bacaigh, glantar lobhair agus tá éisteacht ag bodhráin, éiríonn na mairbh, agus fógraítear an dea-scéal do bhoicht.

[23]Is méanar don té nach nglacann scannal ionamsa.”

[24]Nuair a bhí teachtairí Eoin imithe, thosaigh sé ag caint leis na sluaite faoi Eoin: “Cad a chuaigh sibh amach faoin bhfásach a fheiceáil? Giolcach á suaitheadh ag an ngaoth?

[25]Ach cad a chuaigh sibh amach a fheiceáil? Duine a bhí cóirithe in éadaí míne? Iad seo a bhíonn gléasta go niamhrach agus a mhaireann go beadaí, is i bpáláis na ríthe atá siad.

[26]Ach cad a chuaigh sibh amach a fheiceáil? Fáidh, an ea? Sea, deirim libh, agus duine ba mhó ná fáidh.

[27]Is é seo an té a bhfuil scríofa mar gheall air: ‘Féach, cuirim mo theachtaire romhat a réiteoidh do bhóthar faoi do chomhair.’

[28]“Óir deirim libh, níl, de shliocht ban, duine is mó ná Eoin. Ach an té is lú i ríocht Dé, is mó é ná eisean.

[29] Todo o povo que o ouviu e até os publicanos reconheceram a justiça de Deus, tendo sido batizados com o batismo de João;

[29]Agus an pobal uile a chuala é, agus na poibleacánaigh féin, is le Dia a thaobhaigh siad nuair a baisteadh iad le baiste Eoin.

[30] mas os fariseus e os intérpretes da Lei rejeitaram, quanto a si mesmos, o desígnio de Deus, não tendo sido batizados por ele.

[30]Na Fairisínigh, áfach, agus na dlíodóirí, nuair nár ghlac siad baisteadh uaidh, chuir siad ar neamhní an rud ab intinn le Dia dóibh.

[31] A que, pois, compararei os homens da presente geração, e a que são eles semelhantes?

[31]Uime sin, cad leis a gcuirfidh mé lucht na glúine seo i gcomparáid? Cad leis ar cosúil iad?

[32] São semelhantes a meninos que, sentados na praça, gritam uns para os outros: Nós vos tocamos flauta, e não dançastes; entoamos lamentações, e não chorastes.

[32]Tá siad cosúil leis na leanaí seo a bhíonn ina suí in áit an mhargaidh ag glaoch chun a chéile agus a deir: 'Rinneamar píobaireacht daoibh, ach ní dhearna sibh rince; rinneamar caoineadh, ach ní dhearna sibh gol.'

[33] Pois veio João Batista, não comendo pão, nem bebendo vinho, e dizeis: Tem demônio!

[33]"Óir tá Eoin Baiste tagtha, gan é bheith ag ithe aráin ná ag ól fíona, agus deir sibh: 'Tá deamhan ann! '

[34] Veio o Filho do Homem, comendo e bebendo, e dizeis: Eis aí um glutão e bebedor de vinho, amigo de publicanos e pecadores!

[34]Tá Mac an Duine tagtha ag ithe agus ag ól, agus deir sibh: 'Féach, fear craois agus póite, cara do phoibleacánaigh agus do pheacaigh.'

[35] Mas a sabedoria é justificada por todos os seus filhos.

[35]Ach fuair an eagna a ceart óna clann féin uile."

A pecadora que ungiu os pés de Jesus

An tAithríoch Grámhar

[36] Convidou-o um dos fariseus para que fosse jantar com ele. Jesus, entrando na casa do fariseu, tomou lugar à mesa.

[36]Thug duine de na Fairisínigh cuireadh dó chun proinne aige féin; agus ar dhul isteach dó i dteach an Fhairisínigh, chuaigh ina luí ag bord.

[37] E eis que uma mulher da cidade, pecadora, sabendo que ele estava à mesa na casa do fariseu, levou um vaso de alabastro com ungüento;

[37]Agus peacach mná a bhí sa chathair, nuair a fuair sí scéala é bheith ag bord i dteach an Fhairisínigh, thug sí léi próicín alabastair d'ola chumhra,

[38] e, estando por detrás, aos seus pés, chorando, regava-os com suas lágrimas e os enxugava com os próprios cabelos; e

[38]agus ar bheith di ar gcúl ag a chosa agus í ag gol, thosaigh ag fliuchadh a chos lena deora, agus bhí á dtriomú le folt a cinn, agus

beijava-lhe os pés e os ungia com o ungüento.

[39] Ao ver isto, o fariseu que o convidara disse consigo mesmo: Se este fora profeta, bem saberia quem e qual é a mulher que lhe tocou, porque é pecadora.

[40] Dirigiu-se Jesus ao fariseu e lhe disse: Simão, uma coisa tenho a dizer-te. Ele respondeu: Dize-a, Mestre.

[41] Certo credor tinha dois devedores: um lhe devia quinhentos denários, e o outro, cinqüenta.

[42] Não tendo nenhum dos dois com que pagar, perdoou-lhes a ambos. Qual deles, portanto, o amará mais?

[43] Respondeu-lhe Simão: Suponho que aquele a quem mais perdoou. Replicou-lhe: Julgaste bem.

[44] E, voltando-se para a mulher, disse a Simão: Vês esta mulher? Entrei em tua casa, e não me deste água para os pés; esta, porém, regou os meus pés com lágrimas e os enxugou com os seus cabelos.

[45] Não me deste ósculo; ela, entretanto, desde que entrei não cessa de me beijar os pés.

[46] Não me ungiste a cabeça com óleo, mas esta, com bálsamo, ungiu os meus pés.

[47] Por isso, te digo: perdoados lhe são os seus muitos pecados, porque ela muito amou; mas aquele a quem pouco se perdoa, pouco ama.

[48] Então, disse à mulher: Perdoados são os teus pecados.

í ag pógadh a chos agus á n-ungadh leis an ola chumhra.

[39]An Fairisíneach a thug an cuireadh dó, ar a fheiceáil sin dó, dúirt ina aigne: “Dá mba fáidh an duine seo, bheadh a fhios aige cé hí, agus cén sort í, an bhean seo atá ag baint leis, gur peacach í.”

[40]Dúirt Íosa leis á fhreagairt: “A Shíomóin, tá rud agam le rá leat.” “A Mháistir,” ar seisean, “abair.”

[41]Dúirt: “Bhí beirt i bhfiacha ag éilitheoir áirithe: bhí cúig céad déanar amuigh ar dhuine acu, agus caoga ar an duine eile.

[42]Nuair nach raibh an t-íoc acu, mhaith sé dóibh araon. Cé acu, mar sin, is mó grá dó?”

[43]D'fhreagair Síomón agus dúirt: “An té, mo bharúil, is mó dár mhaith.” Dúirt sé leis: “Thug tú an bhreith cheart.”

[44]Agus ag iompú chun na mná, dúirt sé le Síomón: “An bhfeiceann tú an bhean seo? Tháinig mé isteach i do theach; níor thug tú uisce chugam do mo chosa; ach do fhliuch sí seo mo chosa lena deora agus thriomaigh lena gruaig iad.

[45]Níor thug tú dom póg; ach í seo, ó tháinig mé isteach, níor stad sí ach ag pógadh mo chos.

[46]Níor ung tú mo cheann le hola; ach d'ung sí seo mo chosa le hola chumhra.

[47]Sin é an fáth, deirim leat, a bhfuil a peacaí - a mórchuid peacaí - maite di; is léir sin ó mhéid a grá. Ach an té dá maítear an beagán, ní ghránn ach beagán.”

[48]Agus dúirt sé léi: “Tá do pheacaí maite.”

[49] Os que estavam com ele à mesa começaram a dizer entre si: Quem é este que até perdoa pecados?

[50] Mas Jesus disse à mulher: A tua fé te salvou; vai-te em paz.

Lucas 8

As mulheres que assistiam Jesus

[1] Aconteceu, depois disto, que andava Jesus de cidade em cidade e de aldeia em aldeia, pregando e anunciando o evangelho do reino de Deus, e os doze iam com ele,

[2] e também algumas mulheres que haviam sido curadas de espíritos malignos e de enfermidades: Maria, chamada Madalena, da qual saíram sete demônios;

[3] e Joana, mulher de Cuza, procurador de Herodes, Suzana e muitas outras, as quais lhe prestavam assistência com os seus bens.

A parábola do semeador

Mateus 13.1-9; Marcos 4.1-9

[4] Afluindo uma grande multidão e vindo ter com ele gente de todas as cidades, disse Jesus por parábola:

[5] Eis que o semeador saiu a semear. E, ao semear, uma parte caiu à beira do caminho; foi pisada, e as aves do céu a comeram.

[6] Outra caiu sobre a pedra; e, tendo crescido, secou por falta de umidade.

[7] Outra caiu no meio dos espinhos; e estes, ao crescerem com ela, a sufocaram.

[49]Agus iad seo a bhí ag bord leis, thosaigh siad ag rá ina n-aigne: “Cé hé seo a dhéanann fiú amháin peacaí a mhaitheamh?”

[50]Ach dúirt sé leis an mbean: “Shlánaigh do chreideamh tú. Imigh faoi shíocháin.”

Lúcás 8

Complacht Íosa

[1]Tharla ina dhiaidh sin gur thaistil sé cathracha agus bailte ag seanmóir agus ag fógairt dea-scéal ríocht Dé, agus an dáréag á thionlacan

[2]chomh maith le mná áirithe a bhí leigheasta ó dhrochspioraid agus ó éagruais: Máire ar a nglaotar an Mhaigdiléanach - a raibh seacht ndeamhain imithe aisti -

[3]agus Ióanna bean Chúsa, maor Héaróid, agus Súsanna, agus mórán nárbh iad, a bhíodh ag freastal orthu as a maoin.

Parabal an tSíoladóra

[4]Nuair a bhí slua mór tagtha le chéile, agus daoine ag triall air as gach cathair, labhair sé i bhfoirm parabail:

[5]“Chuaigh an síoladóir amach ag cur a shíl. Agus sa síolchur dó, thit cuid de le hais an bhóthair agus gabhadh de chosa ann, agus d'ith éanlaith an aeir é.

[6]Agus thit tuilleadh de ar an gcarraig, agus, ar theacht aníos dó, d'fheoigh, de bhrí nach raibh úrmhaire aige.

[7]Thit tuilleadh de i lár an deilgnigh, agus tháinig an deilgneach aníos in éineacht leis agus phlúch é.

[8] Outra, afinal, caiu em boa terra; cresceu e produziu a cento por um. Dizendo isto, clamou: Quem tem ouvidos para ouvir, ouça.

[8]Agus thit tuilleadh de ar an talamh maith, agus ar theacht aníos dó, thug toradh uaidh faoi chéad." Á rá sin dó, ghlaoigh sé amach: "An té a bhfuil cluasa air chun éisteachta, éisteadh sé!"

A explicação da parábola
Mateus 13.10-23; Marcos 4.10-20

[9] E os seus discípulos o interrogaram, dizendo: Que parábola é esta?

[9]Ach d'fhiafraigh a dheisceabail de cad ba chiall leis an bparabal sin.

[10] Respondeu-lhes Jesus: A vós outros é dado conhecer os mistérios do reino de Deus; aos demais, fala-se por parábolas, para que, vendo, não vejam; e, ouvindo, não entendam.

[10]Dúirt sé: "Tá sé tugtha daoibhse eolas a bheith agaibh ar rúndiamhra ríocht Dé, ach do chách eile i bparabail, chun go 'mbreathnoidís ach nach bhfeicfidís, agus go mbeidís ag éisteacht ach nach dtuigfidís.'

[11] Este é o sentido da parábola: a semente é a palavra de Deus.

[11]"Is í seo ciall an pharabail: Is é briathar Dé an síol.

[12] A que caiu à beira do caminho são os que a ouviram; vem, a seguir, o diabo e arrebata-lhes do coração a palavra, para não suceder que, crendo, sejam salvos.

[12]Iad siúd le hais an bhóthair, sin iad na daoine a chuala, ansin tagann an diabhal agus tógann an briathar as a gcroí, le heagla go gcreidfidís agus go slánofaí iad,

[13] A que caiu sobre a pedra são os que, ouvindo a palavra, a recebem com alegria; estes não têm raiz, crêem apenas por algum tempo e, na hora da provação, se desviam.

[13]Iad siúd ar an gcarraig, sin iad na daoine a ghlacann an briathar le háthas nuair a chluineann siad é; ach ní bhíonn fréamh acu; creideann siad ar feadh tamaill, ach in am na trialach meathann siad.

[14] A que caiu entre espinhos são os que ouviram e, no decorrer dos dias, foram sufocados com os cuidados, riquezas e deleites da vida; os seus frutos não chegam a amadurecer.

[14]É siúd a thit sa deilgneach, sin iad na daoine a chuala, ach go n-imíonn siad leo agus go bplúchtar iad ag cúraimí agus ag saibhreas agus ag pléisiúir an tsaoil, agus ní thagann siad chun aibíochta.

[15] A que caiu na boa terra são os que, tendo ouvido de bom e reto coração, retêm a palavra; estes frutificam com perseverança.

[15]Ach é siúd sa talamh maith, sin iad na daoine, tar éis dóibh an briathar a chloisteáil le dea-chroí macánta, a choinníonn é agus a thugann toradh uathu trína mbuanseasamh.

A parábola da candeia
Marcos 4.21-25

Tá an Teagasc le Foilsiú

[16] Ninguém, depois de acender uma candeia, a cobre com um vaso ou a põe debaixo de uma cama; pelo contrário, coloca-a sobre um velador, a fim de que os que entram vejam a luz.

[17] Nada há oculto, que não haja de manifestar-se, nem escondido, que não venha a ser conhecido e revelado.

[18] Vede, pois, como ouvis; porque ao que tiver, se lhe dará; e ao que não tiver, até aquilo que julga ter lhe será tirado.

A família de Jesus

Mateus 12.46-50; Marcos 3.31-35

[19] Vieram ter com ele sua mãe e seus irmãos e não podiam aproximar-se por causa da concorrência de povo.

[20] E lhe comunicaram: Tua mãe e teus irmãos estão lá fora e querem ver-te.

[21] Ele, porém, lhes respondeu: Minha mãe e meus irmãos são aqueles que ouvem a palavra de Deus e a praticam.

Jesus acalma uma tempestade

Mateus 8.23-27; Marcos 4.35-41

[22] Aconteceu que, num daqueles dias, entrou ele num barco em companhia dos seus discípulos e disse-lhes: Passemos para a outra margem do lago; e partiram.

[23] Enquanto navegavam, ele adormeceu. E sobreveio uma tempestade de vento no lago, correndo eles o perigo de soçobrar.

[24] Chegando-se a ele, despertaram-no dizendo: Mestre, Mestre, estamos perecendo! Despertando-se Jesus,

[16]“Ní lasann aon duine lampa agus é a chur i bhfolach in áras; ná ní faoi leaba a chuirtear é, ach cuirtear ar chrann solais é, chun go bhfeicfeadh na daoine a thagann isteach an solas.

[17]Óir níl aon ní faoi cheilt nach mbeidh soiléir; ná níl aon ní ina rún nach mbeidh fios air agus nach dtiocfaidh chun solais.

[18]Bígí aireach, dá bhrí sin, conas a chluineann sibh; óir an té a mbíonn aige, tabharfar dó, agus an té nach mbíonn aige, bainfear de fiú an ní a shíleann sé a bheith aige.”

Máthair Chríost agus a Bhráithre

[19]Tháinig a mháthair agus a bhráithre ag triall air, ach níorbh fhéidir dóibh teagmháil leis mar gheall ar an slua.

[20]Insíodh dó: “Tá do mháthair agus do bhráithre ina seasamh amuigh agus b'áil leo thú a fheiceáil.”

[21]D'fhreagair sé agus dúirt: “Is iad mo mháthair agus mo bhráithre, iad seo a chluineann briathar Dé agus a dhéanann dá réir.”

Smacht ag Críost ar na Dúile

[22]Tharla aon lá amháin go ndeachaigh sé ar bord báid, é féin agus a dheisceabail, agus dúirt sé leo: “Téimis trasna an locha anonn.” Agus chuir siad chun farraige.

[23]Agus ag seoladh dóibh, thit seisean ina chodladh. Agus tháinig cuaifeach gaoithe anuas ar an loch; agus bhí ag líonadh orthu agus bhí siad i mbaol.

[24]Agus tháinig siad chuige á mhúscailt, ag rá: “A Mháistir, a Mháistir, tá an bás againn!” Agus ar dhúiseacht dó, bhagair sé ar an ngaoth agus ar an uisce suaite; agus chiúnaigh orthu agus bhí ina théigle.

repreendeu o vento e a fúria da água. Tudo cessou, e veio a bonança.

25 Então, lhes disse: Onde está a vossa fé? Eles, possuídos de temor e admiração, diziam uns aos outros: Quem é este que até aos ventos e às ondas repreende, e lhe obedecem?

A cura do endemoninhado geraseno

Mateus 8.28-33; Marcos 5.1-14

26 Então, rumaram para a terra dos gerasenos, fronteira da Galiléia.

27 Logo ao desembarcar, veio da cidade ao seu encontro um homem possesso de demônios que, havia muito, não se vestia, nem habitava em casa alguma, porém vivia nos sepulcros.

28 E, quando viu a Jesus, prostrou-se diante dele, exclamando e dizendo em alta voz: Que tenho eu contigo, Jesus, Filho do Deus Altíssimo? Rogo-te que não me atormentes.

29 Porque Jesus ordenara ao espírito imundo que saísse do homem, pois muitas vezes se apoderara dele. E, embora procurassem conservá-lo preso com cadeias e grilhões, tudo despedaçava e era impelido pelo demônio para o deserto.

30 Perguntou-lhe Jesus: Qual é o teu nome? Respondeu ele: Legião, porque tinham entrado nele muitos demônios.

31 Rogavam-lhe que não os mandasse sair para o abismo.

32 Ora, andava ali, pastando no monte, uma grande manada de porcos; rogaram-

25Agus dúirt sé leo: “Cá bhfuil bhur gcreideamh?” Ach bhí uamhan orthu agus rinne siad ionadh de, á rá eatarthu féin: “Cé hé an duine seo, más ea, a rá go bhfógraíonn sé ar na gaotha féin agus ar an uisce, agus go ndéanann siad rud air?”

An Deamhnaíoch Geirgiseánach

26Bhuail siad talamh i dtír na nGeirgiseánach, ón nGailíl anonn.

27Nuair a bhí sé ag teacht i dtír, tháinig faoina dhéin duine ón gcathair a raibh deamhain ann, agus bhí sé seal mór aimsire gan aon éadach á chur air ná cónaí in aon teach ach sna tuamaí.

28Agus ar fheiceáil Íosa dó, scread sé amach agus chaith é féin síos roimhe agus dúirt de ghlór ard: “Cad ab áil leat díom, a Íosa, a Mhic Dé ró-aird? Iarraim ort, ná déan mé a chrá.”

29Óir bhí Íosa á ordú don spiorad míghlan dul amach as an duine. Óir is iomaí uair roimhe sin a rug sé go foréigneach air; agus cheanglaítí ina bhrá é le slabhraí agus le geimhle, ach bhriseadh sé na géibhinn agus bhíodh sé á thiomáint ag an deamhan faoi na fásaigh.

30D'fhiafraigh Íosa de: “Cad é an t-ainm atá ort?” Dúirt sé: “Léigiún” - óir bhí mórán deamhan imithe isteach ann.

31Agus bhíodar ag achainí air gan a fhógairt dóibh imeacht leo sa duibheagán.

32Bhí, ansiúd, tréad mór muc ar féarach ar an sliabh, agus rinne na deamhain achainí air cead a thabhairt dóibh dul isteach iontu, agus thug.

lhe que lhes permitisse entrar naqueles porcos. E Jesus o permitiu.

33 Tendo os demônios saído do homem, entraram nos porcos, e a manada precipitou-se despenhadeiro abaixo, para dentro do lago, e se afogou.

34 Os porqueiros, vendo o que acontecera, fugiram e foram anunciá-lo na cidade e pelos campos.

Os gerasenos rejeitam Jesus

Mateus 8.34; Marcos 5.14b-20

35 Então, saiu o povo para ver o que se passara, e foram ter com Jesus. De fato, acharam o homem de quem saíram os demônios, vestido, em perfeito juízo, assentado aos pés de Jesus; e ficaram dominados de terror.

36 E algumas pessoas que tinham presenciado os fatos contaram-lhes também como fora salvo o endemoninhado.

37 Todo o povo da circunvizinhança dos gerasenos rogou-lhe que se retirasse deles, pois estavam possuídos de grande medo. E Jesus, tomando de novo o barco, voltou.

38 O homem de quem tinham saído os demônios rogou-lhe que o deixasse estar com ele; Jesus, porém, o despediu, dizendo:

39 Volta para casa e conta aos teus tudo o que Deus fez por ti. Então, foi ele anunciando por toda a cidade todas as coisas que Jesus lhe tinha feito.

O pedido de Jairo

Mateus 9.18-19; Marcos 5.21-24

33Tháinig na deamhain amach as an duine agus chuaigh isteach sna muca. Agus chuaigh an tréad ina ruathar le fána isteach sa loch agus bádh iad.

34Nuair a chonaic na mucaithe an ní a tharla, theith siad, agus d'inis sa chathair é agus sna feirmeacha.

35Tháinig na daoine amach go bhfeicfidís an ní a tharla, agus ar theacht dóibh chun na háite ina raibh Íosa, fuair siad an fear a raibh na deamhain imithe as ina shuí agus a chuid éadaigh air, ina cheartmheabhair, ag cosa Íosa; agus bhí uamhan orthu.

36D'inis an lucht féachana dóibh conas a slánaíodh é siúd ina mbíodh na deamhain.

37Agus an pobal uile i gceantar na nGeirgiseánach, d'iarr siad air imeacht uathu, óir bhí siad gafa ag uamhan mór. Agus ar dhul ar bord dó, d'imigh sé ar ais.

38An fear, áfach, a raibh na deamhain imithe as, bhí sé á iarraidh air é ligean ina chuideachta. Ach scaoil sé uaidh é, ag rá:

39“Imigh ar ais abhaile agus aithris a bhfuil déanta ag Dia duit.” Agus d'imigh sé ar fud na cathrach go léir ag fógairt a raibh déanta ag Íosa dó.

Iníon Iáras: Leigheas na Mná sa Slua

[40] Ao regressar Jesus, a multidão o recebeu com alegria, porque todos o estavam esperando.
[41] Eis que veio um homem chamado Jairo, que era chefe da sinagoga, e, prostrando-se aos pés de Jesus, lhe suplicou que chegasse até a sua casa.
[42] Pois tinha uma filha única de uns doze anos, que estava à morte.

A cura de uma mulher enferma
Mateus 9.20-22; Marcos 5.24b-34

Enquanto ele ia, as multidões o apertavam.
[43] Certa mulher que, havia doze anos, vinha sofrendo de uma hemorragia, e a quem ninguém tinha podido curar [e que gastara com os médicos todos os seus haveres],
[44] veio por trás dele e lhe tocou na orla da veste, e logo se lhe estancou a hemorragia.
[45] Mas Jesus disse: Quem me tocou? Como todos negassem, Pedro [com seus companheiros] disse: Mestre, as multidões te apertam e te oprimem [e dizes: Quem me tocou?].
[46] Contudo, Jesus insistiu: Alguém me tocou, porque senti que de mim saiu poder.
[47] Vendo a mulher que não podia ocultar-se, aproximou-se trêmula e, prostrando-se diante dele, declarou, à vista de todo o povo, a causa por que lhe havia tocado e como imediatamente fora curada.
[48] Então, lhe disse: Filha, a tua fé te salvou; vai-te em paz.

A ressurreição da filha de Jairo

[40]Nuair a bhí Íosa tagtha ar ais, bhí fáilte ag an slua roimhe, óir bhí siad uile ag súil leis.

[41]Agus tháinig fear darb ainm Iáras, a bhí ina cheann urra ar an tsionagóg, agus chaith é féin síos ag cosa Íosa, á achainí air teacht chun a thí;

[42]óir bhí aon iníon amháin aige timpeall dhá bhliain déag, agus bhí sí ag fáil bháis. Agus ag dul ann dó, bhí na sluaite ag plúchadh air.

[43]Agus bean a raibh rith fola uirthi le dhá bhliain déag, agus a bhí tar éis a maoin shaolta uile a chaitheamh le lianna, ach nárbh fhéidir le haon duine í leigheas,

[44]tháinig sí taobh thiar de agus bhain le scothóg a bhrait; agus scoir an rith fola aici láithreach.

[45]Ach dúirt Íosa: "Cé bhain liom?" Agus nuair a shéan cách é, dúirt Peadar: "A Mháistir, tá na sluaite timpeall ort agus tá siad ag brú ort."

[46]Ach dúirt Íosa: "Bhain duine éigin liom, óir airím go ndeachaigh brí amach uaim."

[47]Nuair a chonaic an bhean gur tugadh faoi deara í, tháinig sí go creathánach agus chaith í féin síos roimhe, agus d'inis i láthair chách an fáth ar bhain sí leis agus mar a leigheasadh í láithreach.

[48]Dúirt sé léi: "A iníon, shlánaigh do chreideamh thú. Imigh faoi shíocháin."

Mateus 9.23-25; Marcos 5.35-43

49 Falava ele ainda, quando veio uma pessoa da casa do chefe da sinagoga, dizendo: Tua filha já está morta, não incomodes mais o Mestre.

49Le linn dó bheith ag caint, tháinig duine ó theach cheann urra na sionagóige ag rá: “Tá d'iníon tar éis bháis: ná cuir as don Mháistir a thuilleadh.”

50 Mas Jesus, ouvindo isto, lhe disse: Não temas, crê somente, e ela será salva.

50Chuala Íosa é, agus labhair leis: “Ná bíodh eagla ort; ach amháin creid, agus beidh sí slán.”

51 Tendo chegado à casa, a ninguém permitiu que entrasse com ele, senão Pedro, João, Tiago e bem assim o pai e a mãe da menina.

51Ar theacht dó chun an tí, níor lig sé d'aon duine dul isteach leis ach Peadar agus Eoin agus Séamas, agus athair agus máthair an chailín.

52 E todos choravam e a pranteavam. Mas ele disse: Não choreis; ela não está morta, mas dorme.

52Agus bhí cách ag gol agus ag mairgneach os a cionn. Ach dúirt sé: “Ná bígí ag gol, óir ní marbh atá sí ach ina codladh.”

53 E riam-se dele, porque sabiam que ela estava morta.

53Agus bhí siad ag fonóid faoi, agus a fhios acu gur marbh a bhí sí.

54 Entretanto, ele, tomando-a pela mão, disse-lhe, em voz alta: Menina, levanta-te!

54Ach rug sé ar láimh uirthi agus ghlaoigh amach: “A chailín, éirigh!”

55 Voltou-lhe o espírito, ela imediatamente se levantou, e ele mandou que lhe dessem de comer.

55Agus tháinig an spiorad ar ais inti, agus d'éirigh sí láithreach; agus d'ordaigh sé rud le hithe a thabhairt di.

56 Seus pais ficaram maravilhados, mas ele lhes advertiu que a ninguém contassem o que havia acontecido.

56Agus tháinig alltacht ar a tuismitheoirí; ach thug sé ordú dóibh gan a insint d'aon duine cad a tharla.

Lucas 9

As instruções para os doze

Mateus 10.1,5-15; Marcos 6.7-13

1 Tendo Jesus convocado os doze, deu-lhes poder e autoridade sobre todos os demônios, e para efetuarem curas.

2 Também os enviou a pregar o reino de Deus e a curar os enfermos.

3 E disse-lhes: Nada leveis para o caminho: nem bordão, nem alforje, nem pão, nem dinheiro; nem deveis ter duas túnicas.

Lúcás 9

Misean na nAspal

1Ghlaoigh sé an dáréag le chéile agus thug dóibh cumhacht agus údarás os cionn na ndeamhan uile agus chun galair a leigheas.

2Agus chuir sé uaidh iad ag fógairt ríocht Dé agus ag leigheas na n-easlán.

3Agus dúirt sé leo: “Ná tógaigí libh aon ní i gcomhair an bhóthair, bata ná tiachóg, ná

arán, ná airgead, agus ná bíodh dhá chóta an duine agaibh.

[4] Na casa em que entrardes, ali permanecei e dali saireis.

[4]Agus cibé teach a rachaidh sibh isteach ann, cuirigí fúibh ann agus leanaigí oraibh as sin.

[5] E onde quer que não vos receberem, ao sairdes daquela cidade, sacudi o pó dos vossos pés em testemunho contra eles.

[5]Agus maidir leo seo nach nglacann sibh, ag dul amach as an gcathair sin daoibh, croithigí an deannach de bhur gcosa mar fhianaise ina n-aghaidh."

[6] Então, saindo, percorriam todas as aldeias, anunciando o evangelho e efetuando curas por toda parte.

[6]Agus chuir siad chun bóthair agus ghabh siad ó bhaile go baile ag fógairt an dea-scéil agus ag leigheas i ngach uile áit.

Herodes e João Batista

Mateus 14.1-12; Marcos 6.14-29

Mearbhall ar Héaród

[7] Ora, o tetrarca Herodes soube de tudo o que se passava e ficou perplexo, porque alguns diziam: João ressuscitou dentre os mortos;

[7]Chuala Héaród, an rí cúige, faoi na nithe uile a bhí ag titim amach, agus bhí mearbhall air de bhrí go raibh sé de scéal ag daoine áirithe gurbh é Eoin a bhí tar éis éirí ó mhairbh;

[8] outros: Elias apareceu; e outros: Ressurgiu um dos antigos profetas.

[8]ag daoine eile, Éilias a bheith á thaibhsiú, ag daoine eile fós, fáidh éigin de na sinsir a bheith aiséirithe.

[9] Herodes, porém, disse: Eu mandei decapitar a João; quem é, pois, este a respeito do qual tenho ouvido tais coisas? E se esforçava por vê-lo.

[9]Ach dúirt Héaród: "Maidir le hEoin, bhain mé féin an ceann de; ach cé hé an duine seo a gcluinim tuairiscí mar iad seo air?" Agus bhí sé ag iarraidh radharc a fháil air.

A primeira multiplicação de pães e peixes

Mateus 14.13-21; Marcos 6.30-44; João 6.1-13

Míorúilt na mBuilíní agus na nIasc

[10] Ao regressarem, os apóstolos relataram a Jesus tudo o que tinham feito. E, levando-os consigo, retirou-se à parte para uma cidade chamada Betsaida.

[10]Tháinig na haspail ar ais agus thug scéala dó ar a raibh déanta acu. Agus rug sé leis iad agus chuaigh i leataobh san uaigneas i dtreo cathrach ar a nglaotar Béatsáide.

[11] Mas as multidões, ao saberem, seguiram-no. Acolhendo-as, falava-lhes a respeito do reino de Deus e socorria os que tinham necessidade de cura.

[11]Ach ó bhí a fhios sin ag na sluaite, lean siad é; agus chuir sé fáilte rompu agus bhí ag caint leo faoi ríocht Dé, agus ag leigheas na ndaoine a bhí i ngá a leigheasta.

[12] Mas o dia começava a declinar. Então, se aproximaram os doze e lhe disseram: Despede a multidão, para que, indo às aldeias e campos circunvizinhos, se

[12]Bhí an lá ag druidim siar, áfach, agus tháinig an dáréag chuige agus dúirt leis: "Scaoil uait an slua, go dtéidís isteach sna bailte agus sna feirmeacha mórthimpeall agus lóistín agus lón

hospedem e achem alimento; pois estamos aqui em lugar deserto.

[13] Ele, porém, lhes disse: Dai-lhes vós mesmos de comer. Responderam eles: Não temos mais que cinco pães e dois peixes, salvo se nós mesmos formos comprar comida para todo este povo.

[14] Porque estavam ali cerca de cinco mil homens. Então, disse aos seus discípulos: Fazei-os sentar-se em grupos de cinqüenta.

[15] Eles atenderam, acomodando a todos.

[16] E, tomando os cinco pães e os dois peixes, erguendo os olhos para o céu, os abençoou, partiu e deu aos discípulos para que os distribuíssem entre o povo.

[17] Todos comeram e se fartaram; e dos pedaços que ainda sobejaram foram recolhidos doze cestos.

A confissão de Pedro. Jesus prediz a própria morte

Mateus 16.13-21; Marcos 8.27-31

[18] Estando ele orando à parte, achavam-se presentes os discípulos, a quem perguntou: Quem dizem as multidões que sou eu?

[19] Responderam eles: João Batista, mas outros, Elias; e ainda outros dizem que ressurgiu um dos antigos profetas.

[20] Mas vós, perguntou ele, quem dizeis que eu sou? Então, falou Pedro e disse: És o Cristo de Deus.

[21] Ele, porém, advertindo-os, mandou que a ninguém declarassem tal coisa,

[22] dizendo: É necessário que o Filho do Homem sofra muitas coisas, seja rejeitado pelos anciãos, pelos principais sacerdotes

bia a fháil, óir is áit uaigneach é seo ina bhfuilimid.”

[13]Ach dúirt sé leo: “Tugaigí sibhse rud le hithe dóibh.” Dúirt siad: “Níl againn ach cúig builíní agus dhá iasc, ach mura dtéimid féin ag ceannach bia don chomhthionól seo uile” -

[14]óir bhí timpeall cúig mhíle fear ann. Dúirt sé lena dheisceabail: “Cuirigí ina luí fúthu ina mbuíonta iad, timpeall caoga sa bhuíon.”

[15]Rinne siad amhlaidh: iad uile a chur ina luí fúthu.

[16]Thóg sé na cúig builíní agus an dá iasc, agus ar dhearcadh suas chun na bhflaitheas dó, bheannaigh iad agus bhris agus thug do na deisceabail iad le cur os comhair an tslua.

[17]D'ith siad uile agus bhí siad sách, agus tógadh suas an fuílleach: dhá chiseán déag de bhruscar.

Admháil ó Pheadar -- A bhFuil i nDán do Mhac an Duine

[18]Aon lá amháin agus é i leataobh ag guí agus na deisceabail in éineacht leis, d'fhiafraigh sé díobh: “Cé hé a deir na sluaite mise?”

[19]Dúirt siad á fhreagairt: “Eoin Baiste; ach cuid eile acu Éilias, cuid eile gur fáidh éigin de na sinsir atá aiséirithe.”

[20]Dúirt sé leo: “Ach cé hé a deir sibhse mé?” Agus dúirt Peadar á fhreagairt: “Críost Dé.”

[21]Ach d'ordaigh sé dóibh go géar gan é seo a rá le haon duine,

[22]agus dúirt: “Ní foláir do Mhac an Duine mórán a fhulaingt, agus an diúltú a fháil ó na seanóirí agus ó uachtaráin na sagart agus ó na

e pelos escribas; seja morto e, no terceiro dia, ressuscite.

O discípulo de Jesus deve levar a sua cruz
Mateus 16.24-28; Marcos 8.34—9.1

23 Dizia a todos: Se alguém quer vir após mim, a si mesmo se negue, dia a dia tome a sua cruz e siga-me.

24 Pois quem quiser salvar a sua vida perdê-la-á; quem perder a vida por minha causa, esse a salvará.

25 Que aproveita ao homem ganhar o mundo inteiro, se vier a perder-se ou a causar dano a si mesmo?

26 Porque qualquer que de mim e das minhas palavras se envergonhar, dele se envergonhará o Filho do Homem, quando vier na sua glória e na do Pai e dos santos anjos.

27 Verdadeiramente, vos digo: alguns há dos que aqui se encontram que, de maneira nenhuma, passarão pela morte até que vejam o reino de Deus.

A transfiguração
Mateus 17.1-8; Marcos 9.2-8

28 Cerca de oito dias depois de proferidas estas palavras, tomando consigo a Pedro, João e Tiago, subiu ao monte com o propósito de orar.

29 E aconteceu que, enquanto ele orava, a aparência do seu rosto se transfigurou e suas vestes resplandeceram de brancura.

30 Eis que dois varões falavam com ele: Moisés e Elias,

31 os quais apareceram em glória e falavam da sua partida, que ele estava para cumprir em Jerusalém.

scríobhaithe, agus a chur chun báis, agus éirí an treas lá.”

Conas Críost a Leanúint

23Dúirt sé le cách: “Más áil le haon duine bheith ar mo bhuíon, séanadh sé é féin, tógadh suas a chros gach lá, agus leanadh mé.

24Óir cibé arb áil leis a anam a shaoradh, caillfidh sé é; ach cibé a chaillfidh a anam mar gheall ormsa, saorfaidh an duine sin é.

25Óir cá fearrde do dhuine an domhan go léir a ghnóthú agus é féin a chailleadh agus a ligean ar ceal?

26Óir cibé ar nár leis mise agus mo bhriathra, is nár le Mac an Duine eisean nuair a thiocfaidh sé ina ghlóir féin agus i nglóir an Athar agus na n-aingeal naofa.

27Ach deirim libh go dearfa, tá cuid dá bhfuil anseo i láthair nach mblaisfidh an bás nó go mbeidh ríocht Dé feicthe acu.”

An Claochlú

28Agus timpeall ocht lá tar éis na cainte sin, rug sé leis Peadar agus Eoin agus Séamas agus chuaigh an sliabh suas chun guí.

29Agus sa ghuí dó, tháinig athrach cló ar a ghnúis agus d'éirigh a chuid éadaigh gléigeal lonrach.

30Agus bhí beirt fhear ag agallamh leis - b'iad Maois agus Éilias iad -

31agus chonacthas i nglóir iad ag caint faoina imeacht as an saol, rud a bhí le tabhairt chun críche aige in Iarúsailéim.

[32] Pedro e seus companheiros achavam-se premidos de sono; mas, conservando-se acordados, viram a sua glória e os dois varões que com ele estavam.

[32]Bhí Peadar agus a chompánaigh trom le codladh, ach d'fhan siad ina ndúiseacht agus chonaic siad a ghlóir agus an bheirt a bhí ansiúd in éineacht leis.

[33] Ao se retirarem estes de Jesus, disse-lhe Pedro: Mestre, bom é estarmos aqui; então, façamos três tendas: uma será tua, outra, de Moisés, e outra, de Elias, não sabendo, porém, o que dizia.

[33]Agus ansin, le linn dóibh seo bheith ag scaradh leis, dúirt Peadar le Íosa: “A Mháistir, is maith mar a tharla anseo sinn: déanaimis trí bothanna, ceann duit féin, ceann do Mhaois agus ceann d'Éilias” - agus gan a fhios aige cad a bhí sé a rá.

[34] Enquanto assim falava, veio uma nuvem e os envolveu; e encheram-se de medo ao entrarem na nuvem.

[34]Ach nuair a bhí sé ag rá an méid sin, tháinig scamall, agus bhí sé ina scáil anuas orthu, agus bhí uamhan orthu nuair a d'imigh siad siúd isteach sa scamall.

[35] E dela veio uma voz, dizendo: Este é o meu Filho, o meu eleito; a ele ouvi.

[35]Agus tháinig glór as an scamall ag rá: “Is é seo mo Mhac, an té is togha liom; éistigí leis!”

[36] Depois daquela voz, achou-se Jesus sozinho. Eles calaram-se e, naqueles dias, a ninguém contaram coisa alguma do que tinham visto.

[36]Agus le macalla an ghlóir, fuarthas Íosa ina aonar. Ach d'fhan na deisceabail ina dtost agus níor inis siad d'aon duine sna laethanta sin aon ní dá raibh feicthe acu.

A cura de um jovem possesso

Mateus 17.14-20; Marcos 9.14-29

Óganach á Leigheas

[37] No dia seguinte, ao descerem eles do monte, veio ao encontro de Jesus grande multidão.

[37]Lá arna mhárach, ar theacht anuas dóibh ón sliabh, tháinig slua mór faoina dhéin.

[38] E eis que, dentre a multidão, surgiu um homem, dizendo em alta voz: Mestre, suplico-te que vejas meu filho, porque é o único;

[38]Agus bhí duine den slua d'éigh amach: “A Mháistir, iarraim ort dearcadh le fabhar ar mo mhac, óir níl agam ach é,

[39] um espírito se apodera dele, e, de repente, o menino grita, e o espírito o atira por terra, convulsiona-o até espumar; e dificilmente o deixa, depois de o ter quebrantado.

[39]agus féach, bíonn spiorad ag breith air, agus screadann sé amach go tobann, agus baineann sé rachtaí as go mbíonn cur leis, agus is ar éigean a scarann sé leis ach á thraochadh.

[40] Roguei aos teus discípulos que o expelissem, mas eles não puderam.

[40]Agus d'iarr mé ar do dheisceabail é a chaitheamh amach, agus níorbh fhéidir leo é.”

[41] Respondeu Jesus: Ó geração incrédula e perversa! Até quando estarei convosco e vos sofrerei? Traze o teu filho.

[42] Quando se ia aproximando, o demônio o atirou no chão e o convulsionou; mas Jesus repreendeu o espírito imundo, curou o menino e o entregou a seu pai.

[43] E todos ficaram maravilhados ante a majestade de Deus.

De novo prediz Jesus a sua morte

Mateus 17.22-23; Marcos 9.30-32

Como todos se maravilhassem de quanto Jesus fazia, disse aos seus discípulos:

[44] Fixai nos vossos ouvidos as seguintes palavras: o Filho do Homem está para ser entregue nas mãos dos homens.

[37] Anunciaram-lhe que passava Jesus, o Nazareno.

[38] Então, ele clamou: Jesus, Filho de Davi, tem compaixão de mim!

[39] E os que iam na frente o repreendiam para que se calasse; ele, porém, cada vez gritava mais: Filho de Davi, tem misericórdia de mim!

[40] Então, parou Jesus e mandou que lho trouxessem. E, tendo ele chegado, perguntou-lhe:

[41] Que queres que eu te faça? Respondeu ele: SENHOR, que eu torne a ver.

[42] Então, Jesus lhe disse: Recupera a tua vista; a tua fé te salvou.

[43] Imediatamente, tornou a ver e seguia-o glorificando a Deus. Também todo o povo, vendo isto, dava louvores a Deus.

Lucas 19

Zaqueu, o publicano

[33]agus tar éis a sciúrsála, cuirfear chun báis é, agus éireoidh sé an treas lá.”

[34]Ach níor thuig siad aon chuid den mhéad sin, agus bhí an focal sin i bhfolach orthu, agus ní raibh a fhios acu cad ba chiall lena chomhrá.

Dall á Leigheas in Ireachó

[35]Bhí, agus é ag teacht i ngar do Ireachó, dall ina shuí le hais an bhóthair ag iarraidh déirce.

[36]Nuair a chuala sé an slua ag gabháil thairis, d'fhiafraigh sé cad é a bhí ar bun.

[37]Dúradh leis: “Tá Íosa an Nazórach ag dul thar bráid.”

[38]Agus d'éigh sé amach: “A Íosa, a mhic Dháiví, bíodh trua agat dom!”

[39]Agus iad seo a bhí i dtosach an tslua, bhí siad ag bagairt air bheith ina thost, ach b'amhlaidh ba mhóide a bhí seisean ag screadach: “A Mhic Dháiví bíodh trua agat dom!”

[40]Stad Íosa dá shiúl, agus d'ordaigh é sheoladh chuige. Ar theacht dó ina ghar d'fhiafraigh sé de:

[41]“Cad ab áil leat mé a dhéanamh duit?” Dúirt seisean: “A Thiarna, mo radharc a bheith agam!”

[42]Dúirt Íosa leis: “Bíodh do radharc agat: shlánaigh do chreideamh tú.”

[43]Agus tháinig a radharc dó láithreach, agus lean sé é ag glóiriú Dé. Ar a fheiceáil sin don phobal uile, thug siad moladh do Dhia.

Lúcás 19

Iompú Zacháias

[1] Entrando em Jericó, atravessava Jesus a cidade.

[1]Agus ar theacht isteach in Ireachó dó, bhí sé ag gabháil tríd.

[2] Eis que um homem, chamado Zaqueu, maioral dos publicanos e rico,

[2]Agus fear darbh ainm Zacháias a bhí ina cheannphoibleacánach agus é saibhir,

[3] procurava ver quem era Jesus, mas não podia, por causa da multidão, por ser ele de pequena estatura.

[3]bhí sé ag iarraidh radharc a fháil ar Íosa, cérbh é féin; ach ní fhéadfadh de dheasca an tslua, óir bhí sé íseal ina phearsa.

[4] Então, correndo adiante, subiu a um sicômoro a fim de vê-lo, porque por ali havia de passar.

[4]Agus rith sé roimhe chun cinn agus chuaigh in airde i gcrann seiceamair chun go bhfeicfeadh sé é, óir is thairis sin a bhí sé le gabháil.

[5] Quando Jesus chegou àquele lugar, olhando para cima, disse-lhe: Zaqueu, desce depressa, pois me convém ficar hoje em tua casa.

[5]Nuair a tháinig Íosa go dtí an áit, bhreathnaigh sé suas agus dúirt leis: "A Zacháias, déan deifir agus tar anuas, óir is i do theachsa nach foláir dom fanacht inniu."

[6] Ele desceu a toda a pressa e o recebeu com alegria.

[6]Agus tháinig sé anuas go deifreach agus chuir fáilte roimhe go háthasach.

[7] Todos os que viram isto murmuravam, dizendo que ele se hospedara com homem pecador.

[7]Ar a fheiceáil sin do chách, bhí siad ag monabhar á rá: "Tá sé tar éis dul ar lóistín ag peacach."

[8] Entrementes, Zaqueu se levantou e disse ao SENHOR: SENHOR, resolvo dar aos pobres a metade dos meus bens; e, se nalguma coisa tenho defraudado alguém, restituo quatro vezes mais.

[8]Ach dúirt Zacháias go croíúil leis an Tiarna: "Is é a dhéanfaidh mé, a Thiarna, leath mo mhaoine a thabhairt do na boicht, agus má bhain mé aon ní go héagórach d'aon duine, déanfaidh mé aisíoc leis faoi cheathair."

[9] Então, Jesus lhe disse: Hoje, houve salvação nesta casa, pois que também este é filho de Abraão.

[9]Dúirt Íosa leis: "Tá slánú tar éis teacht chun an tí seo inniu, mar is mac d'Abrahám an duine seo freisin:

[10] Porque o Filho do Homem veio buscar e salvar o perdido.

[10]óir tháinig Mac an Duine chun an rud a bhí caillte a lorg agus a shlánú."

A parábola das dez minas

Parabal na nDeich Míoná

[11] Ouvindo eles estas coisas, Jesus propôs uma parábola, visto estar perto de Jerusalém e lhes parecer que o reino de Deus havia de manifestar-se imediatamente.

[11]Ag éisteacht dóibh leis an méid sin, lean sé air agus labhair parabal, de bhrí go raibh sé i ngar do Iarúsailéim agus gur síleadh dóibh ríocht Dé a bheith le taibhsiú láithreach.

[12] Então, disse: Certo homem nobre partiu para uma terra distante, com o fim de tomar posse de um reino e voltar.
[13] Chamou dez servos seus, confiou-lhes dez minas e disse-lhes: Negociai até que eu volte.
[14] Mas os seus concidadãos o odiavam e enviaram após ele uma embaixada, dizendo: Não queremos que este reine sobre nós.
[15] Quando ele voltou, depois de haver tomado posse do reino, mandou chamar os servos a quem dera o dinheiro, a fim de saber que negócio cada um teria conseguido.
[16] Compareceu o primeiro e disse: SENHOR, a tua mina rendeu dez.
[17] Respondeu-lhe o senhor: Muito bem, servo bom; porque foste fiel no pouco, terás autoridade sobre dez cidades.
[18] Veio o segundo, dizendo: SENHOR, a tua mina rendeu cinco.
[19] A este disse: Terás autoridade sobre cinco cidades.
[20] Veio, então, outro, dizendo: Eis aqui, senhor, a tua mina, que eu guardei embrulhada num lenço.
[21] Pois tive medo de ti, que és homem rigoroso; tiras o que não puseste e ceifas o que não semeaste.
[22] Respondeu-lhe: Servo mau, por tua própria boca te condenarei. Sabias que eu

[12]Uime sin a dúirt: “Chuaigh duine de threibh uasal go tír i gcéin chun céim ríoga a bhaint amach dó féin agus filleadh ansin.
[13]Ghlaoigh sé ar dheichniúr dá sheirbhísigh agus thug dóibh deich míoná agus dúirt leo: ‘Bígí i mbun gnó go dtaga mé.’
[14]Ach bhí fuath ag a chomhthírigh dó, agus chuir siad teachtaí ina dhiaidh chun a rá: ‘Ní áil linn é seo a bheith ina rí orainn.’
[15]Ach ar a theacht ar ais i dtráth agus an chéim ríoga bainte amach aige, d'ordaigh sé fios a chur ar na seirbhísigh úd chuige a raibh an t-airgead tugtha aige dóibh, chun go mbeadh a fhios aige cad a bhí de bharr a ngnó acu faoi seach.
[16]Tháinig an chéad duine i láthair agus dúirt: ‘A thiarna, ghnóthaigh do mhíoná deich míoná.’
[17]Dúirt sé leis: ‘Is maith sin, a dhea-sheirbhísigh; de bhrí go raibh tú iontaofa faoin mbeagán, bíodh forlámhas agat ar dheich gcathair.”
[18]Tháinig an dara duine agus dúirt: ‘Rinne do mhíoná cúig mhíoná, a thiarna.’
[19]Dúirt sé leis sin chomh maith: ‘Tusa mar an gcéanna, bí i gceannas ar chúig chathair.’
[20]Ach tháinig an duine eile agus dúirt: ‘A thiarna, seo duit do mhíoná; bhí sé i gcoimeád agam i naipcín.
[21]Óir bhí eagla orm romhat, de bhrí gur duine dian tú; glacann tú chugat an rud nár chuir tú i dtaisce agus baineann tú an fómhar nár chuir tú a shíol.’
[22]Dúirt sé leis: ‘Tabharfaidh mé breith do bhéil féin ort, a dhroch-sheirbhísigh! Bhí a fhios agat, an raibh, gur duine dian mé, ag

sou homem rigoroso, que tiro o que não pus e ceifo o que não semeei;

23 por que não puseste o meu dinheiro no banco? E, então, na minha vinda, o receberia com juros.

24 E disse aos que o assistiam: Tirai-lhe a mina e dai-a ao que tem as dez.

25 Eles ponderaram: SENHOR, ele já tem dez.

26 Pois eu vos declaro: a todo o que tem dar-se-lhe-á; mas ao que não tem, o que tem lhe será tirado.

27 Quanto, porém, a esses meus inimigos, que não quiseram que eu reinasse sobre eles, trazei-os aqui e executai-os na minha presença.

A entrada triunfal de Jesus em Jerusalém

Mateus 21.1-11; Marcos 11.1-11; João 12.12-19

28 E, dito isto, prosseguia Jesus subindo para Jerusalém.

29 Ora, aconteceu que, ao aproximar-se de Betfagé e de Betânia, junto ao monte das Oliveiras, enviou dois de seus discípulos,

30 dizendo-lhes: Ide à aldeia fronteira e ali, ao entrardes, achareis preso um jumentinho que jamais homem algum montou; soltai-o e trazei-o.

31 Se alguém vos perguntar: Por que o soltais? Respondereis assim: Porque o SENHOR precisa dele.

32 E, indo os que foram mandados, acharam segundo lhes dissera Jesus.

glacadh chugam an rud nár chuir mé i dtaisce, agus ag baint an fhómhair nár chuir mé a shíol?

23Cad chuige más ea nár chuir tú mo chuid airgid ar gaimbín? Agus nuair a thiocfainn, dhéanfainn é éileamh le hús.'

24Agus dúirt sé leo seo a bhí i láthair: 'Bainigí de an míoná, agus tugaigí é dó seo a bhfuil na deich míoná aige.'

25'Ach, a thiarna, ' ar siad sin leis, 'tá deich míoná aigesean.'

26'Deirim libh, gach aon duine a mbíonn aige, tabharfar dó, ach an té nach mbíonn aige, bainfear de fiú amháin a mbíonn aige.

27Ach na naimhde úd agam nárbh áil leo mé bheith i mo rí orthu, seolaigí i leith iad agus déanaigí iad a choscairt i mo láthair.' "

An Imrím Chaithréimeach

28Nuair a bhí an méid sin ráite aige, ghluais sé roimhe ag dul suas go Iarúsailéim.

29Agus nuair a bhí sé ag teacht i ngar do Bhéatfaigé agus do Bhéatáine, i dtreo an chnoic ar a dtugtar Ola-Choill, chuir sé uaidh beirt de na deisceabail, ag rá:

30"Téigí isteach sa bhaile thall, agus ag dul isteach ann daoibh, gheobhaidh sibh searrach ceangailte nach raibh duine ar bith riamh ar a mhuin; scaoiligí agus tugaigí libh é.

31Agus má fhiafraíonn aon duine díbh: 'Cad chuige a bhfuil sibh á scaoileadh? ' is é a déarfaidh sibh: 'Mar go bhfuil gá ag an Tiarna leis.' "

32D'imigh na teachtairí agus fuair siad de réir mar a dúirt sé leo.

[33] Quando eles estavam soltando o jumentinho, seus donos lhes disseram: Por que o soltais?

[33]Le linn dóibh bheith ag scaoileadh an tsearraigh, dúirt na húinéirí leo: "Cad chuige a bhfuil sibh ag scaoileadh an tsearraigh?"

[34] Responderam: Porque o SENHOR precisa dele.

[34]Dúirt siad: "Mar go bhfuil gá ag an Tiarna leis,"

[35] Então, o trouxeram e, pondo as suas vestes sobre ele, ajudaram Jesus a montar.

[35]agus thug siad go dtí Íosa é, agus tar éis dóibh a mbrait a chaitheamh ar an searrach, chuir siad Íosa ar a mhuin.

[36] Indo ele, estendiam no caminho as suas vestes.

[36]Agus ag gluaiseacht dó, bhí siad ag leathadh a mbrat ar an mbóthar.

[37] E, quando se aproximava da descida do monte das Oliveiras, toda a multidão dos discípulos passou, jubilosa, a louvar a Deus em alta voz, por todos os milagres que tinham visto,

[37]Bhí sé faoin am seo ag teacht i ngar do chliathán Chnoc na nOlóg síos, nuair a thosaigh lánchuallacht na ndeisceabal, agus iad lán d'áthas, ag moladh Dé de ghlór ard mar gheall ar a raibh de mhíorúiltí feicthe acu,

[38] dizendo: Bendito é o Rei que vem em nome do SENHOR! Paz no céu e glória nas maiores alturas!

[38]á rá: "Is beannaithe an té atá ag teacht ina rí, in ainm an Tiarna! Síocháin sna flaithis, agus glóire in uachtar neimhe."

[39] Ora, alguns dos fariseus lhe disseram em meio à multidão: Mestre, repreende os teus discípulos!

[39]Agus cuid de na Fairisínigh a bhí sa slua, dúirt siad leis: "A Mháistir, cuir ceartú ar do dheisceabail."

[40] Mas ele lhes respondeu: Asseguro-vos que, se eles se calarem, as próprias pedras clamarão.

[40]D'fhreagair sé agus dúirt: "Deirim libh, má bhíonn siad seo ina dtost, screadfaidh na clocha amach."

Jesus chora à vista de Jerusalém

[41] Quando ia chegando, vendo a cidade, chorou

[41]Nuair a tháinig sé i ngar don chathair agus radharc aige uirthi, ghoil sé mar gheall uirthi,

[42] e dizia: Ah! Se conheceras por ti mesma, ainda hoje, o que é devido à paz! Mas isto está agora oculto aos teus olhos.

[42]ag rá: "Dá mbeadh a fhios agatsa freisin, sa lá seo, na nithe atá de dhíth chun síochána! ach is amhlaidh atá siad i bhfolach ó do shúile.

[43] Pois sobre ti virão dias em que os teus inimigos te cercarão de trincheiras e, por todos os lados, te apertarão o cerco;

[43]Óir béarfaidh na laethanta ort nuair a chuirfidh do naimhde páil léigir umat, nuair a thimpeallóidh siad tú agus cúngrach a dhéanamh ort ó gach taobh;

[44] e te arrasarão e aos teus filhos dentro de ti; não deixarão em ti pedra sobre pedra,

[44]nuair a bhascfaidh siad ar lár thú féin agus do chlann atá ionat, gan cloch ar mhuin

porque não reconheceste a oportunidade da tua visitação.

A purificação do templo
Mateus 21.12-17; Marcos 11.15-19

45 Depois, entrando no templo, expulsou os que ali vendiam,

46 dizendo-lhes: Está escrito: A minha casa será casa de oração. Mas vós a transformastes em covil de salteadores.

O Mestre ensina no templo

47 Diariamente, Jesus ensinava no templo; mas os principais sacerdotes, os escribas e os maiorais do povo procuravam eliminá-lo;

48 contudo, não atinavam em como fazê-lo, porque todo o povo, ao ouvi-lo, ficava dominado por ele.

cloiche a fhagáil ionat, de bhrí nár aithin tú aimsir d'fhiosraithe."

45Ansin, ar dhul isteach sa Teampall dó, thosaigh sé ag tiomáint na ndíoltóirí amach,

46ag rá leo: "Tá scríofa: 'Beidh mo theach ina theach urnaithe'; ach tá uaimh robálaithe déanta agaibhse de."

47Bhíodh sé ag teagasc gach lá sa Teampall. Bhí uachtaráin na sagart agus na scríobhaithe ag iarraidh é a mhilleadh, agus cinn an phobail chomh maith;

48ach ní raibh a fhios acu cad a dhéanfaidís, óir bhí an pobal uile ar bís ag éisteacht leis.

Lucas 20

A autoridade de Jesus e o batismo de João
Mateus 21.23-27; Marcos 11.27-33

1 Aconteceu que, num daqueles dias, estando Jesus a ensinar o povo no templo e a evangelizar, sobrevieram os principais sacerdotes e os escribas, juntamente com os anciãos,

2 e o argüiram nestes termos: Dize-nos: com que autoridade fazes estas coisas? Ou quem te deu esta autoridade?

3 Respondeu-lhes: Também eu vos farei uma pergunta; dizei-me:

4 o batismo de João era dos céus ou dos homens?

5 Então, eles arrazoavam entre si: Se dissermos: do céu, ele dirá: Por que não acreditastes nele?

Lúcás 20

Ceist faoi Údarás Chríost

1Aon lá amháin, agus é ag teagasc an phobail sa Teampall agus ag fógairt an dea-scéil, tháinig uachtaráin na sagart agus na scríobhaithe i láthair mar aon leis na seanóirí,

2agus dúirt an méid seo leis: "Inis dúinn cén t-údarás atá agat leis na nithe seo a dhéanamh, nó cé hé seo a thug an t-údarás sin duit?"

3Dúirt sé leo á bhfreagairt: "Tá ceist agamsa le cur oraibhse freisin: insígí dom:

4An ó neamh nó ó dhaoine a tháinig baisteadh Eoin?"

5Ach bhí siad ag suaitheadh an scéil eatarthu, á rá: "Má deirimid: 'Ó neamh, ' déarfaidh sé: 'Cad chuige nár chreid sibh ann? '

[6] Mas, se dissermos: dos homens, o povo todo nos apedrejará; porque está convicto de ser João um profeta.

[7] Por fim, responderam que não sabiam.

[8] Então, Jesus lhes replicou: Pois nem eu vos digo com que autoridade faço estas coisas.

A parábola dos lavradores maus

Mateus 21.33-46; Marcos 12.1-12

[9] A seguir, passou Jesus a proferir ao povo esta parábola: Certo homem plantou uma vinha, arrendou-a a lavradores e ausentou-se do país por prazo considerável.

[10] No devido tempo, mandou um servo aos lavradores para que lhe dessem do fruto da vinha; os lavradores, porém, depois de o espancarem, o despacharam vazio.

[11] Em vista disso, enviou-lhes outro servo; mas eles também a este espancaram e, depois de o ultrajarem, o despacharam vazio.

[12] Mandou ainda um terceiro; também a este, depois de o ferirem, expulsaram.

[13] Então, disse o dono da vinha: Que farei? Enviarei o meu filho amado; talvez o respeitem.

[14] Vendo-o, porém, os lavradores, arrazoavam entre si, dizendo: Este é o herdeiro; matemo-lo, para que a herança venha a ser nossa.

[6]Ach má deirimid: 'Ó dhaoine, ' gabhfaidh an pobal uile de chlocha orainn, óir is deimhin leo go raibh Eoin ina fháidh."

[7]Agus ba é freagra a thug siad, nach raibh a fhios acu cárbh as dó.

[8]Dúirt Íosa leo: "Nílimse chun a insint daoibhse ach oiread cén t-údarás atá agam leis na nithe seo a dhéanamh."

Máistir an Fhíonghoirt agus na Curadóirí Mallaithe

[9]Thosaigh sé ansin ag rá an pharabail seo leis an bpobal: "Phlandaigh duine fíonghort, agus chuir ar cíos chun curadóirí é, agus chuaigh ar an gcoigrích go cionn mórán aimsire.

[10]Nuair a tháinig an t-am, chuir sé seirbhíseach uaidh go dtí na curadóirí chun go dtabharfaidís dó a chion de thoradh an fhíonghoirt; ach chuir na curadóirí ar ais folamh é tar éis dóibh é a bhualadh.

[11]Chuir sé seirbhíseach eile freisin, ach tar éis dóibh é seo a bhualadh chomh maith, agus easonóir a thabhairt dó, chuir siad ar ais folamh é.

[12]Chuir sé uaidh fós an tríú duine: ach é seo arís, rinne siad é ghoin agus é thiomáint amach.

[13]Dúirt máistir an fhíonghoirt ansin: 'Cad a dhéanfaidh mé? Cuirfidh mé uaim mo mhac muirneach féin; b'fhéidir go dtabharfaidís ómós dó sin.'

[14]Ach nuair a chonaic na curadóirí eisean, bhí siad ag plé an scéil le chéile: 'Is é seo an t-oidhre, ' ar siad, 'maraímis é, chun go mba linn féin an oidhreacht.'

[15] E, lançando-o fora da vinha, o mataram. Que lhes fará, pois, o dono da vinha?

[16] Virá, exterminará aqueles lavradores e passará a vinha a outros. Ao ouvirem isto, disseram: Tal não aconteça!

[17] Mas Jesus, fitando-os, disse: Que quer dizer, pois, o que está escrito: A pedra que os construtores rejeitaram, esta veio a ser a principal pedra, angular?

[18] Todo o que cair sobre esta pedra ficará em pedaços; e aquele sobre quem ela cair ficará reduzido a pó.

A questão do tributo

Mateus 22.15-22; Marcos 12.13-17

[19] Naquela mesma hora, os escribas e os principais sacerdotes procuravam lançar-lhe as mãos, pois perceberam que, em referência a eles, dissera esta parábola; mas temiam o povo.

[20] Observando-o, subornaram emissários que se fingiam de justos para verem se o apanhavam em alguma palavra, a fim de entregá-lo à jurisdição e à autoridade do governador.

[21] Então, o consultaram, dizendo: Mestre, sabemos que falas e ensinas retamente e não te deixas levar de respeitos humanos, porém ensinas o caminho de Deus segundo a verdade;

[22] é lícito pagar tributo a César ou não?

[23] Mas Jesus, percebendo-lhes o ardil, respondeu:

[15]Agus tar éis dóibh é a thiomáint amach as an bhfíonghort, mharaigh siad é. Dá bhrí sin, cad a dhéanfaidh máistir an fhíonghoirt leo?

[16]Tiocfaidh sé agus cuirfidh sé na curadóirí sin chun báis, agus tabharfaidh an fíonghort do dhaoine eile." Ar a chloisteáil sin dóibh, dúirt siad: "Nárab ea!"

[17]Ach bhreathnaigh sé orthu agus dúirt: "Murab ea, cad is ciall leis an rud úd atá scríofa: 'An chloch dár dhiúltaigh na saoir, rinne di ceann an chúinne'?

[18]"Gach aon duine a thitfidh ar an gcloch sin, bascfar é, ach cibé a dtitfidh sí air, déanfaidh sí é a bhrú ina cháith."

[19]Agus b'fhonn leis na scríobhaithe agus le huachtaráin na sagart a lámha a leagan air an uair sin féin ach eagla an phobail a bheith orthu; óir bhí a fhios acu gur chucu féin a bhí sé nuair a labhair sé an parabal úd.

Cion Chéasair agus Cion Dé

[20]Ansin, ag faire na faille dóibh, chuir siad brathadóirí chuige a ligfeadh orthu bheith ina bhfíréin, chun go mbéarfaidís air ina chaint, ionas go dtabharfaí suas é do smacht agus d'údarás an ghobharnóra.

[21]Chuir siad ceist air: "A Mháistir," ar siad, "tá a fhios againn go labhraíonn tú agus go múineann tú an ceart, agus gur cuma leat duine seachas a chéile, ach tú ag múineadh slí Dé de réir na fírinne.

[22]An dleathach dúinn cíos a íoc le Céasar nó an mídhleathach?"

[23]Ach thuig sé a gceilg agus dúirt leo:

[24] Mostrai-me um denário. De quem é a efígie e a inscrição? Prontamente disseram: De César. Então, lhes recomendou Jesus:

[25] Dai, pois, a César o que é de César e a Deus o que é de Deus.

[26] Não puderam apanhá-lo em palavra alguma diante do povo; e, admirados da sua resposta, calaram-se.

Os saduceus e a ressurreição

Mateus 22.23-33; Marcos 12.18-27

[27] Chegando alguns dos saduceus, homens que dizem não haver ressurreição,

[28] perguntaram-lhe: Mestre, Moisés nos deixou escrito que, se morrer o irmão de alguém, sendo aquele casado e não deixando filhos, seu irmão deve casar com a viúva e suscitar descendência ao falecido.

[29] Ora, havia sete irmãos: o primeiro casou e morreu sem filhos;

[30] o segundo e o terceiro também desposaram a viúva;

[31] igualmente os sete não tiveram filhos e morreram.

[32] Por fim, morreu também a mulher.

[33] Esta mulher, pois, no dia da ressurreição, de qual deles será esposa? Porque os sete a desposaram.

[34] Então, lhes acrescentou Jesus: Os filhos deste mundo casam-se e dão-se em casamento;

[35] mas os que são havidos por dignos de alcançar a era vindoura e a ressurreição

[24]“Taispeánaigí dom déanar. Cé hé a bhfuíl a íomhá air agus a inscríbhinn?” Dúirt siad: “Céasar.”

[25]Dúirt sé leo: “Íocaigí le Céasar, mar sin, na nithe is le Céasar agus le Dia na nithe is le Dia.”

[26]Agus níor fhéad siad breith air i bhfocal ar bith i bhfianaise an phobail, agus, ó b'ionadh leo a fhreagra, d'fhan siad ina dtost.

Aiséirí na Colainne

[27]Tháinig chuige ansin cuid de na Sadúcaigh - iad seo a shéanann aiséirí a bheith ann -

[28]agus chuir siad ceist air: “A Mháistir,” ar siad, “seo mar a d'ordaigh Maois dúinn sa scríbhinn: ‘Má bhíonn ag duine deartháir pósta a gheobhadh bás gan chlann, é féin a ghabháil na baintrí chun gin sleachta a thógáil dá dheartháir.’

[29]Sea: bhí seachtar dearthár ann: phós an chéad duine agus fuair bás gan chlann.

[30]An dara duine ansin,

[31]agus an tríú duine, ghabh siad an bhaintreach, agus an seachtar ar fad mar an gcéanna; níor fhág siad sliocht agus fuair bás.

[32]Sa deireadh, fuair an bhean féin bás.

[33]San aiséirí, más ea, cé acu a mbeidh an bhean ina bean chéile aige? Óir bhí sí ina bean chéile ag an seachtar.”

[34]Dúirt Íosa leo: “Gabhann clann an tsaoil seo fear céile nó bean chéile,

[35]ach iad seo a mheasfar gur fiú iad an saol úd eile a shroicheadh agus an aiséirí ó mhairbh, ní ghabhann siad fear céile ná bean chéile;

dentre os mortos não casam, nem se dão em casamento.

36 Pois não podem mais morrer, porque são iguais aos anjos e são filhos de Deus, sendo filhos da ressurreição.

37 E que os mortos hão de ressuscitar, Moisés o indicou no trecho referente à sarça, quando chama ao SENHOR o Deus de Abraão, o Deus de Isaque e o Deus de Jacó.

38 Ora, Deus não é Deus de mortos, e sim de vivos; porque para ele todos vivem.

39 Então, disseram alguns dos escribas: Mestre, respondeste bem!

40 Dali por diante, não ousaram mais interrogá-lo.

O Cristo, filho de Davi
Mateus 22.41-46; Marcos 12.35-37

41 Mas Jesus lhes perguntou: Como podem dizer que o Cristo é filho de Davi?

42 Visto como o próprio Davi afirma no livro dos Salmos: Disse o SENHOR ao meu SENHOR: Assenta-te à minha direita,

43 até que eu ponha os teus inimigos por estrado dos teus pés.

44 Assim, pois, Davi lhe chama SENHOR, e como pode ser ele seu filho?

Jesus censura os escribas
Mateus 23.1-12; Marcos 12.38-40

45 Ouvindo-o todo o povo, recomendou Jesus a seus discípulos:

46 Guardai-vos dos escribas, que gostam de andar com vestes talares e muito apreciam as saudações nas praças, as primeiras cadeiras nas sinagogas e os primeiros lugares nos banquetes;

36óir ní fhéadann siad bás a fháil níos mó, mar is geall le haingil iad; agus is clann iad do Dhia ós clann iad don aiséirí.

37Ach thug Maois féin le tuiscint na mairbh a éirí, sa dréacht úd faoin tor, mar a dtugann ar an Tiarna, Dia Abrahám agus Dia Íosác agus Dia Iacóib.

38Ní hé Dia na marbh é, ach na mbeo; óir is dó is beo cách."

39Dúirt cuid de na scríobhaithe á fhreagairt: "A Mháistir, is maith a dúirt tú é!"

40Óir níor leomh siad as sin amach ceist ar bith a chur air.

Conas is Mac do Dháiví an Críost?

41Dúirt sé leo ansin: "Conas is féidir a rá gur Mac do Dháiví an Críost?

42Óir is é Dáiví féin a deir i Leabhar na Salm: 'Dúirt an Tiarna le mo Thiarna: Suigh ar mo dheis,

43nó go gcuirfead do naimhde mar stól faoi do chosa.'

44"Dá bhrí sin, glaonn Dáiví Tiarna air, agus cad a bheir ina mhac dó é?"

Na Scríobhaithe á gCaineadh

45Agus i gcomhchlos don phobal uile dúirt sé lena dheisceabail:

46"Seachnaígí na scríobhaithe, an dream arb áil leo a bheith ag siúl timpeall snaróbaí fada, agus gur gnaoi leo go mbeifí ag beannú dóibh sna háiteanna poiblí, agus na príomhshuíocháin sna sionagóga agus na príomhthoilg ag na fleánna;

[47] os quais devoram as casas das viúvas e, para o justificar, fazem longas orações; estes sofrerão juízo muito mais severo.

Lucas 21

A oferta da viúva pobre
Marcos 12.41-44

[1] Estando Jesus a observar, viu os ricos lançarem suas ofertas no gazofilácio.

[2] Viu também certa viúva pobre lançar ali duas pequenas moedas;

[3] e disse: Verdadeiramente, vos digo que esta viúva pobre deu mais do que todos.

[4] Porque todos estes deram como oferta daquilo que lhes sobrava; esta, porém, da sua pobreza deu tudo o que possuía, todo o seu sustento.

A destruição do templo
Mateus 24.1-2; Marcos 13.1-2

[5] Falavam alguns a respeito do templo, como estava ornado de belas pedras e de dádivas;

[6] então, disse Jesus: Vedes estas coisas? Dias virão em que não ficará pedra sobre pedra que não seja derribada.

O princípio das dores
Mateus 24.3-14; Marcos 13.3-13

[7] Perguntaram-lhe: Mestre, quando sucederá isto? E que sinal haverá de quando estas coisas estiverem para se cumprir?

[8] Respondeu ele: Vede que não sejais enganados; porque muitos virão em meu nome, dizendo: Sou eu! E também: Chegou a hora! Não os sigais.

[9] Quando ouvirdes falar de guerras e revoluções, não vos assusteis; pois é

[47]an dream a ídíonn tithe na mbaintreach, ar scáth bheith ag déanamh urnaithe fada. Is daoire an bhreith a gheobhaidh siad seo.”

Lúcás 21

Cianóg na Baintrí

[1]Ag breathnú suas dó, chonaic sé na daoine saibhre ag cur a n-ofrálacha isteach sa chiste.

[2]Agus chonaic sé baintreach dhealbh ag cur dhá leathfheoirling ann,

[3]agus dúirt: “Deirim libh go dearfa, chuir an bhaintreach bhocht seo níos mó isteach ná cách eile;

[4]óir is cuid den iomarca a bhí acu a chuir siad siúd uile isteach sna hofrálacha chun Dé, ach chuir sise isteach as a huireasa a raibh den saol aici.”

Léirscrios Iarúsailéim á Thairngreacht

[5]Nuair a bhí daoine áirithe á rá mar gheall ar an Teampall go raibh sé maisithe le clocha breátha agus le tíolaicí dúthrachta, dúirt seisean:

[6]“A bhfuil le feiceáil ansin agaibh - tiocfaidh na laethanta nach bhfágfar cloch ar mhuin cloiche nach leagfar anuas.”

[7]D'fhiafraigh siad de ansin: “Más ea, a Mháistir, cén uair a thitfidh an méid sin amach, agus cad is comhartha ar na nithe sin a bheith ag teacht?”

[8]Dúirt sé: “Bígí aireach agus ná cuirtear amú sibh; óir tiocfaidh mórán i m'ainmse ag rá: ‘Is mise é’; agus: ‘Tá an t-am in achmaireacht.’ Ná téigí ina ndiaidh.

[9]Nuair a chluinfidh sibh caint ar chogaí agus ar cheannaircí, ná glacaigí scéin, óir ní foláir

necessário que primeiro aconteçam estas coisas, mas o fim não será logo.

na nithe sin a theacht ar dtús, ach ní bheidh an deireadh ann chomh luath sin.”

[10] Então, lhes disse: Levantar-se-á nação contra nação, e reino, contra reino;

[10]Dúirt sé leo ansin: “Éireoidh náisiún in aghaidh náisiúin agus ríocht in aghaidh ríochta.

[11] haverá grandes terremotos, epidemias e fome em vários lugares, coisas espantosas e também grandes sinais do céu.

[11]Beidh maidhmeanna móra talún ann, agus gortaí agus plánna anseo is ansiúd; beidh tuartha uafáis ann agus comharthaí móra ón spéir.

[12] Antes, porém, de todas estas coisas, lançarão mão de vós e vos perseguirão, entregando-vos às sinagogas e aos cárceres, levando-vos à presença de reis e governadores, por causa do meu nome;

[12]Ach roimh an méid sin uile, leagfar lámh oraibh agus géarleanfar sibh, tabharfar ar láimh sibh do na sionagóga agus do na príosúin, seolfar i láthair ríthe agus gobharnóirí sibh mar gheall ar m'ainmse.

[13] e isto vos acontecerá para que deis testemunho.

[13]Is é a thiocfaidh as sin daoibh, go bhféadfaidh sibh fianaise a thabhairt.

[14] Assentai, pois, em vosso coração de não vos preocupardes com o que haveis de responder;

[14]Dá bhrí sin, bíodh sé de rún agaibh gan ullmhú roimh ré chun bhur gcosanta,

[15] porque eu vos darei boca e sabedoria a que não poderão resistir, nem contradizer todos quantos se vos opuserem.

[15]óir tabharfaidh mise urlabhra daoibh agus eagna nach bhféadfaidh bhur gcúisitheoirí uile cur ina haghaidh ná a bhréagnú.

[16] E sereis entregues até por vossos pais, irmãos, parentes e amigos; e matarão alguns dentre vós.

[16]Tabharfar ar láimh sibh ag bhur dtuismitheoirí féin, fiú amháin, ag bhur ndeartháireacha, ag bhur ngaolta, ag bhur gcairde, agus básófar cuid agaibh,

[17] De todos sereis odiados por causa do meu nome.

[17]agus beidh fuath ag cách daoibh mar gheall ar m'ainmse;

[18] Contudo, não se perderá um só fio de cabelo da vossa cabeça.

[18]ach ribe de ghruaig bhur gcinn ní mhillfear.

[19] É na vossa perseverança que ganhareis a vossa alma.

[19]Is le bhur mbuanseasamh a ghnóthóidh sibh bhur n-anamacha.

Jerusalém sitiada

Mateus 24.15-28; Marcos 13.14-23

[20] Quando, porém, virdes Jerusalém sitiada de exércitos, sabei que está próxima a sua devastação.

[20]“Ach nuair a fheicfidh sibh Iarúsailéim arna timpeallú ag sluaite armtha, bíodh a fhios

agaibh ansin go bhfuil a lomscrios in achmaireacht.

[21] Então, os que estiverem na Judéia, fujam para os montes; os que se encontrarem dentro da cidade, retirem-se; e os que estiverem nos campos, não entrem nela.

[21]Ansin, iad seo a bheidh in Iúdáia, teithidís faoi na sléibhte; iad seo a bheidh sa chathair, imídís aisti; iad seo a bheidh ar an tuath, ná téidís isteach inti;

[22] Porque estes dias são de vingança, para se cumprir tudo o que está escrito.

[22]óir is laethanta díoltais iad seo, nuair nach foláir gach a bhfuil scríofa a chomhlíonadh.

[23] Ai das que estiverem grávidas e das que amamentarem naqueles dias! Porque haverá grande aflição na terra e ira contra este povo.

[23]Is mairg do na mná a bheidh ag iompar clainne nó ag tabhairt cíche sna laethanta sin! Go deimhin, beidh éigean mór sa tír agus díbheirg chun an phobail seo:

[24] Cairão a fio de espada e serão levados cativos para todas as nações; e, até que os tempos dos gentios se completem, Jerusalém será pisada por eles.

[24]titfidh siad le béal an chlaímh; seolfar ina mbránna iad ar fud na náisiún uile; agus beidh Iarúsailéim á satailt ag gintlithe nó go dtiocfaidh aimsirí na ngintlithe chun críche.

A vinda do Filho do Homem

Mateus 24.29-31; Marcos 13.24-27

Téarnamh Mhac an Duine

[25] Haverá sinais no sol, na lua e nas estrelas; sobre a terra, angústia entre as nações em perplexidade por causa do bramido do mar e das ondas;

[25]"Agus beidh comharthaí sa ghrian agus sa ghealach agus sna réaltaí. Ar an talamh beidh duainéis ar na náisiúin, iad ar mearbhall ó ghlór agus ó mhórtas na farraige;

[26] haverá homens que desmaiarão de terror e pela expectativa das coisas que sobrevirão ao mundo; pois os poderes dos céus serão abalados.

[26]daoine i bhfantaisí éaga le barr eagla agus imní faoi na nithe atá le breith ar an gcruinne; óir beidh cumhachtaí na bhflaitheas ar crith.

[27] Então, se verá o Filho do Homem vindo numa nuvem, com poder e grande glória.

[27]Agus ansin feicfear Mac an Duine ag teacht sa scamall le cumhacht agus iomad glóire.

[28] Ora, ao começarem estas coisas a suceder, exultai e erguei a vossa cabeça; porque a vossa redenção se aproxima.

[28]Nuair a thosóidh na nithe sin ag teacht, seasaígí suas agus ardaígí bhur gceann, óir tá bhur bhfuascailt in achmaireacht."

A parábola da figueira. Exortação à vigilância

Mateus 24.32-44; Marcos 13.28-37

Múineann an Crann Fígí Ceacht

[29] Ainda lhes propôs uma parábola, dizendo: Vede a figueira e todas as árvores.

[29]Agus labhair sé parabal leo: "Féachaigí an crann fígí agus na crainn eile.

[30] Quando começam a brotar, vendo-o, sabeis, por vós mesmos, que o verão está próximo.

[31] Assim também, quando virdes acontecerem estas coisas, sabei que está próximo o reino de Deus.

[32] Em verdade vos digo que não passará esta geração, sem que tudo isto aconteça.

[33] Passará o céu e a terra, porém as minhas palavras não passarão.

[34] Acautelai-vos por vós mesmos, para que nunca vos suceda que o vosso coração fique sobrecarregado com as conseqüências da orgia, da embriaguez e das preocupações deste mundo, e para que aquele dia não venha sobre vós repentinamente, como um laço.

[35] Pois há de sobrevir a todos os que vivem sobre a face de toda a terra.

[36] Vigiai, pois, a todo tempo, orando, para que possais escapar de todas estas coisas que têm de suceder e estar em pé na presença do Filho do Homem.

O povo vai ter com Jesus para o ouvir

[37] Jesus ensinava todos os dias no templo, mas à noite, saindo, ia pousar no monte chamado das Oliveiras.

[38] E todo o povo madrugava para ir ter com ele no templo, a fim de ouvi-lo.

Lucas 22

O plano para tirar a vida de Jesus

Mateus 26.1-5; Marcos 14.1-2

[30]Nuair a bhíonn siad ag eascar, bíonn a fhios agaibh ag féachaint orthu, go bhfuil an samhradh in achmaireacht feasta.

[31]Amhlaidh sin daoibh nuair a fheicfidh sibh na nithe úd ag teacht, bíodh a fhios agaibh go bhfuil ríocht Dé in achmaireacht.

[32]Deirim libh go fírinneach, ní imeoidh an ghlúin seo gan gach uile ní a bheith tagtha chun cinn.

[33]Imeoidh neamh agus talamh, ach ní imeoidh mo bhriathrasa choíche.

[34]Ach tugaigí aire daoibh féin gan bhur gcroí a ligean chun raimhre le barr ragairne ná meisce ná cúraimí an tsaoil, le heagla go mbéarfadh an lá úd go tobann oraibh

[35]mar a bheadh gaiste. Óir is de phreib a thiocfaidh sé ar chách a bheidh ina gcónaí ar aghaidh na talún go léir.

[36]Bígí gach uile thráth do bhur bhfaire féin agus ag guí chun go mbeadh ar chumas daoibh dul slán ó na nithe sin uile atá le teacht, agus seasamh díreach os comhair Mhac an Duine."

[37]Bhíodh sé ag teagasc ar feadh an lae sa Teampall, ach san oíche théadh sé amach agus thugadh an oíche ar an gcnoc ar a dtugtar Ola-Choill.

[38]Agus ó éirí lae, bhíodh an pobal uile ag teacht chuige sa Teampall ag éisteacht leis.

Lúcás 22

An Chomhcheilg - Feall Iúdáis

[1] Estava próxima a Festa dos Pães Asmos, chamada Páscoa.

[2] Preocupavam-se os principais sacerdotes e os escribas em como tirar a vida a Jesus; porque temiam o povo.

[1]Bhí féile an tSlimaráin, ar a dtugtar an Cháisc, in achmaireacht.

[2]Agus bhí uachtaráin na sagart agus na scríobhaithe ag féachaint conas a chuirfidís de dhroim na slí é, óir bhí eagla an phobail orthu.

O pacto da traição

Mateus 26.14-16; Marcos 14.10-11

[3] Ora, Satanás entrou em Judas, chamado Iscariotes, que era um dos doze.

[4] Este foi entender-se com os principais sacerdotes e os capitães sobre como lhes entregaria a Jesus;

[5] então, eles se alegraram e combinaram em lhe dar dinheiro.

[6] Judas concordou e buscava uma boa ocasião de lho entregar sem tumulto.

[3]Ach chuaigh Sátan isteach in Iúdás ar a nglaotar Isceiriót, a bhí ar uimhir an dáréag.

[4]D'imigh sé mar sin ag déanamh cainte le huachtaráin na sagart agus leis na captaein féachaint conas a thabharfadh sé ar láimh dóibh é.

[5]Agus bhí áthas orthu, agus rinne siad réiteach leis airgead a thabhairt dó.

[6]Thug sé a gheall, agus bhí ag faire ar a dheis chun é a thabhairt ar láimh dóibh i leith ón slua.

Os discípulos preparam a Páscoa

Mateus 26.17-19; Marcos 14.12-16

[7] Chegou o dia da Festa dos Pães Asmos, em que importava comemorar a Páscoa.

[8] Jesus, pois, enviou Pedro e João, dizendo: Ide preparar-nos a Páscoa para que a comamos.

[9] Eles lhe perguntaram: Onde queres que a preparemos?

[10] Então, lhes explicou Jesus: Ao entrardes na cidade, encontrareis um homem com um cântaro de água; segui-o até à casa em que ele entrar

[11] e dizei ao dono da casa: O Mestre manda perguntar-te: Onde é o aposento no qual hei de comer a Páscoa com os meus discípulos?

Ullmhú don Cháisc

[7]Tháinig lá an tSlimaráin nuair nárbh fholáir an cháisc a íobairt.

[8]Chuir sé uaidh Peadar agus Eoin: “Imígí,” ar seisean, “agus ullmhaígí dúinn an cháisc go n-ithimid í.”

[9]Dúirt siad leis: “Cárbh áil leat go n-ullmhóimis í?”

[10]Dúirt sé leo: “Ag dul isteach sa chathair daoibh, féach, beidh duine ag teacht faoi bhur ndéin agus próca uisce aige á bhreith leis. Leanaigí isteach é sa teach ina mbíonn sé ag dul,

[11]agus abraigí le fear an tí: ‘Dúirt an Máistir a rá leat: Cá bhfuil an seomra aíochta go n-ithinn an cháisc ann in éineacht le mo dheisceabail? ’

[12] Ele vos mostrará um espaçoso cenáculo mobilado; ali fazei os preparativos.

[13] E, indo, tudo encontraram como Jesus lhes dissera e prepararam a Páscoa.

A última Páscoa

[14] Chegada a hora, pôs-se Jesus à mesa, e com ele os apóstolos.

[15] E disse-lhes: Tenho desejado ansiosamente comer convosco esta Páscoa, antes do meu sofrimento.

[16] Pois vos digo que nunca mais a comerei, até que ela se cumpra no reino de Deus.

[17] E, tomando um cálice, havendo dado graças, disse: Recebei e reparti entre vós;

[18] pois vos digo que, de agora em diante, não mais beberei do fruto da videira, até que venha o reino de Deus.

A Ceia do Senhor

Mateus 26.26-30; Marcos 14.22-26; 1 Coríntios 11.23-25

[19] E, tomando um pão, tendo dado graças, o partiu e lhes deu, dizendo: Isto é o meu corpo oferecido por vós; fazei isto em memória de mim.

[20] Semelhantemente, depois de cear, tomou o cálice, dizendo: Este é o cálice da nova aliança no meu sangue derramado em favor de vós.

[21] Todavia, a mão do traidor está comigo à mesa.

[22] Porque o Filho do Homem, na verdade, vai segundo o que está determinado, mas ai daquele por intermédio de quem ele está sendo traído!

[12]Agus taispeánfaidh sé daoibh seomra in airde staighre agus feisteas mar is cóir air; déanaigí an réiteach ansiúd.”

[13]D'imigh siad agus fuair siad de réir mar a bhí ráite aige leo, agus d'ullmhaigh an cháisc.

Bunú na Naomh-Shacraiminte

[14]Nuair a tháinig an uair, lig sé faoi ag bord agus na haspail mar aon leis.

[15]Agus dúirt sé leo: “Ba mhór ba mhian liom an cháisc seo a ithe in éineacht libh roimh fhulaingt dom;

[16]óir deirim libh, ní íosfaidh mé go deo arís í nó go mbeidh a comhlíonadh ann i ríocht Dé.”

[17]Agus ghlac sé cupa, agus ar altú dó dúirt: “Tógaigí é seo agus roinnigí eadraibh é;

[18]óir deirim libh, ní ólfaidh mé as seo amach de shú na fíniúna nó go mbeidh ríocht Dé tagtha.”

[19]Ansin, thóg sé arán, agus ar altú dó, bhris, agus thug dóibh é ag rá: “Is é seo mo chorp atá le tabhairt ar bhur son. Déanaigí é seo mar chuimhne orm.”

[20]Agus mar an gcéanna an cupa, tar éis na proinne, ag rá: “Is é an cupa seo an tiomna nua i m'fhuil atá le doirteadh ar bhur son.

[21]Féach, áfach: tá lámh fhear mo bhraite in éineacht liom ag an mbord.

[22]Go deimhin tá a bhealach féin le siúl ag Mac an Duine de réir mar atá i ndán, ach is mairg don duine úd trína mbraitear é.”

[23] Então, começaram a indagar entre si quem seria, dentre eles, o que estava para fazer isto.

Seja o maior como o menor

[24] Suscitaram também entre si uma discussão sobre qual deles parecia ser o maior.

[25] Mas Jesus lhes disse: Os reis dos povos dominam sobre eles, e os que exercem autoridade são chamados benfeitores.

[26] Mas vós não sois assim; pelo contrário, o maior entre vós seja como o menor; e aquele que dirige seja como o que serve.

[27] Pois qual é maior: quem está à mesa ou quem serve? Porventura, não é quem está à mesa? Pois, no meio de vós, eu sou como quem serve.

[28] Vós sois os que tendes permanecido comigo nas minhas tentações.

[29] Assim como meu Pai me confiou um reino, eu vo-lo confio,

[30] para que comais e bebais à minha mesa no meu reino; e vos assentareis em tronos para julgar as doze tribos de Israel.

Pedro é avisado

Mateus 26.31-35; Marcos 14.27-31; João 13.36-38

[31] Simão, Simão, eis que Satanás vos reclamou para vos peneirar como trigo!

[32] Eu, porém, roguei por ti, para que a tua fé não desfaleça; tu, pois, quando te converteres, fortalece os teus irmãos.

[33] Ele, porém, respondeu: SENHOR, estou pronto a ir contigo, tanto para a prisão como para a morte.

[23]Agus thosaigh siad ag fiafraí dá chéile cén duine acu a bhí chun é seo a dhéanamh.

Cé hÉ is Mó?

[24]D'éirigh imreas eatarthu freisin féachaint cén duine acu ba mhó le háireamh.

[25]Dúirt sé leo: "Ríthe na náisiún, bíonn siad ag rialúchán orthu, agus iad seo a mbíonn údarás acu os a gcionn, tíolaiceoirí a ghlaoitear orthu.

[26]Ach nárab amhlaidh sin daoibhse, ach an té is mó eadraibh, bíodh ar nós an té is óige, agus an té atá ina cheann, ar nós an fhir freastail.

[27]Cé acu is mó dáiríre, an té a bhíonn ag bord nó an té a bhíonn ag freastal? Nach é an té a bhíonn ag bord? Ach táimse in bhur measc ar nós an té a bhíonn ag freastal.

[28]Is sibhse an mhuintir a sheas go buan liom i mo thrialacha;

[29]agus tá ríocht agam á dáil oraibh, de réir mar dháil m'Athair orm féin í:

[30]ionas go mbeidh sibh ag ithe agus ag ól ag mo bhord i mo ríocht, agus bheith in bhur suí i ríchathaoireacha ag tabhairt breithe ar dhá threibh déag Iosrael.

Peadar ag Daingniú na mBráithre

[31]"A Shíomóin, a Shíomóin, féach, fuair Sátan mar aisce sibh a chriathradh ar nós an arbhair;

[32]ach táim tar éis guí ar do shonsa chun nach gclisfeadh do chreideamh; agus, ón uair amháin a bheidh tú féin iompaithe, déan daingean do bhráithre."

[33]Dúirt seisean leis: "A Thiarna, táim ullamh ar dhul leatsa chun príosúin agus fós chun báis."

[34] Mas Jesus lhe disse: Afirmo-te, Pedro, que, hoje, três vezes negarás que me conheces, antes que o galo cante.

[34]Ach dúirt sé: “Deirim leat, a Pheadair, ní ghlaofaidh an coileach inniu nó go mbeidh tusa tar éis a shéanadh faoi thrí go bhfuil aon aithne agat orm.”

As duas espadas

[35] A seguir, Jesus lhes perguntou: Quando vos mandei sem bolsa, sem alforje e sem sandálias, faltou-vos, porventura, alguma coisa? Nada, disseram eles.

[35]Dúirt sé leo ansin: “Nuair a chuir mé uaim sibh gan sparán gan tiachóg gan cuaráin, an raibh easnamh ar bith oraibh?”

[36] Então, lhes disse: Agora, porém, quem tem bolsa, tome-a, como também o alforje; e o que não tem espada, venda a sua capa e compre uma.

[36]Dúirt siad: “Ní raibh.” Dúirt sé leo: “Anois, áfach, an té a mbíonn sparán aige, beireadh sé leis é, agus an té a mbíonn tiachóg aige mar an gcéanna; an té fós, nach mbíonn claíomh aige, díoladh sé a bhrat chun ceann a cheannach.

[37] Pois vos digo que importa que se cumpra em mim o que está escrito: Ele foi contado com os malfeitores. Porque o que a mim se refere está sendo cumprido.

[37]Óir deirim libh, an rud úd atá scríofa, ní foláir é a theacht chun críche ionamsa: ‘Cuireadh ar aon bhuíon leis na mallaitheoirí é.’ Go deimhin féin, tá mo chúrsaí uile ag druidim chun deiridh.”

[38] Então, lhe disseram: SENHOR, eis aqui duas espadas! Respondeu-lhes: Basta!

[38]Dúirt siad: “A Thiarna, féach, tá dhá chlaíomh anseo.” Dúirt sé leo: “Is leor.”

Jesus no Getsêmani

Mateus 26.36-46; Marcos 14.32-42

An Ghuí i gCnoc na nOlóg: An tAllas Fola

[39] E, saindo, foi, como de costume, para o monte das Oliveiras; e os discípulos o acompanharam.

[39]Ar dhul amach dó, chuaigh sé, mar ba ghnáthbhéas dó, go Cnoc na nOlóg. Na deisceabail freisin lean siad é.

[40] Chegando ao lugar escolhido, Jesus lhes disse: Orai, para que não entreis em tentação.

[40]Agus ar shroicheadh na háite dó, dúirt sé leo: “Bígí ag guí gan sibh a dhul i gcathú.”

[41] Ele, por sua vez, se afastou, cerca de um tiro de pedra, e, de joelhos, orava,

[41]Agus chuaigh sé i leataoibh uathu mar a bheadh fad urchar cloiche,

[42] dizendo: Pai, se queres, passa de mim este cálice; contudo, não se faça a minha vontade, e sim a tua.

[42]agus ag teacht ar a ghlúine dó, thosaigh sé ag guí: “A Athair,” deireadh sé, “más toil leat é, tóg uaim an cupa seo; ach nárab í mo thoilse a dhéanfar ach do thoilse.”

[43] [Então, lhe apareceu um anjo do céu que o confortava.

[43]Agus chonacthas aingeal ó neamh dó á neartú.

[44] E, estando em agonia, orava mais intensamente. E aconteceu que o seu suor se tornou como gotas de sangue caindo sobre a terra.]

[45] Levantando-se da oração, foi ter com os discípulos, e os achou dormindo de tristeza,

[46] e disse-lhes: Por que estais dormindo? Levantai-vos e orai, para que não entreis em tentação.

Jesus é preso

Mateus 26.47-56; Marcos 14.43-50; João 18.1-11

[47] Falava ele ainda, quando chegou uma multidão; e um dos doze, o chamado Judas, que vinha à frente deles, aproximou-se de Jesus para o beijar.

[48] Jesus, porém, lhe disse: Judas, com um beijo trais o Filho do Homem?

[49] Os que estavam ao redor dele, vendo o que ia suceder, perguntaram: SENHOR, feriremos à espada?

[50] Um deles feriu o servo do sumo sacerdote e cortou-lhe a orelha direita.

[51] Mas Jesus acudiu, dizendo: Deixai, basta. E, tocando-lhe a orelha, o curou.

[52] Então, dirigindo-se Jesus aos principais sacerdotes, capitães do templo e anciãos que vieram prendê-lo, disse: Saístes com espadas e porretes como para deter um salteador?

[53] Diariamente, estando eu convosco no templo, não pusestes as mãos sobre mim. Esta, porém, é a vossa hora e o poder das trevas.

Pedro nega a Jesus

Mateus 26.69-75; Marcos 14.66-72; João 18.15-18,25-27

[44]Ó bhí sé in anbhroid, ba dhéinide é ag guí; agus bhí a chuid allais mar a bheadh braonta ramhra fola ag sileadh go talamh.

[45]Ar éirí ina sheasamh dó ón nguí, tháinig sé chun na ndeisceabal agus fuair ina gcodladh iad le barr dobróin,

[46]agus dúirt sé leo: “Cad a bheir in bhur gcodladh sibh? Éirígí agus guígí, le heagla go rachadh sibh i gcathú.”

Íosa á Ghabháil

[47]Le linn dó bheith ag caint, tháinig slua; agus bhí, ag siúl rompu amach, an fear ar a dtugtaí Iúdás, duine den dáréag, agus dhruid sé sin isteach le Íosa chun é a phógadh.

[48]Dúirt Íosa leis: “A Iúdáis, an le póg a bhraitheann tú Mac an Duine?”

[49]Nuair a chonaic a mhuintir cad a bhí chucu, dúirt siad: “A Thiarna, an mbuailfimid buille chlaíomh?”

[50]Agus bhuail duine acu seirbhíseach an ardsagairt agus bhain sé an chluas dheas de.

[51]Labhair Íosa agus dúirt: “Ligigí dóibh; is leor an méid sin,” agus bhain sé leis an gcluais agus rinne slán í.

[52]Ansin dúirt Íosa leo sin a bhí tagtha ina choinne, uachtaráin na sagart agus captaein an Teampaill agus seanóirí: “An amhlaidh is robálaí mé gur tháinig sibh amach i mo choinne le claimhte agus le bataí?

[53]Nuair a bhínn in éineacht libh gach lá sa Teampall, níor leag sibh lámh orm. Ach is í bhur n-uairse í seo, agus cumhacht an dorchadais.”

Séanann Peadar Críost faoi Thrí

[54] Então, prendendo-o, o levaram e o introduziram na casa do sumo sacerdote. Pedro seguia de longe.

[55] E, quando acenderam fogo no meio do pátio e juntos se assentaram, Pedro tomou lugar entre eles.

[56] Entrementes, uma criada, vendo-o assentado perto do fogo, fitando-o, disse: Este também estava com ele.

[57] Mas Pedro negava, dizendo: Mulher, não o conheço.

[58] Pouco depois, vendo-o outro, disse: Também tu és dos tais. Pedro, porém, protestava: Homem, não sou.

[59] E, tendo passado cerca de uma hora, outro afirmava, dizendo: Também este, verdadeiramente, estava com ele, porque também é galileu.

[60] Mas Pedro insistia: Homem, não compreendo o que dizes. E logo, estando ele ainda a falar, cantou o galo.

[61] Então, voltando-se o SENHOR, fixou os olhos em Pedro, e Pedro se lembrou da palavra do SENHOR, como lhe dissera: Hoje, três vezes me negarás, antes de cantar o galo.

[62] Então, Pedro, saindo dali, chorou amargamente.

Os guardas zombam de Jesus

[63] Os que detinham Jesus zombavam dele, davam-lhe pancadas e,

[64] vendando-lhe os olhos, diziam: Profetiza-nos: quem é que te bateu?

[65] E muitas outras coisas diziam contra ele, blasfemando.

Jesus perante o Sinédrio

Mateus 26.57-68; Marcos 14.53-65

[54]Tar éis dóibh é a ghabháil, sheol siad leo é agus thug isteach i dteach an ardsagairt é. Bhí Peadar á leanúint i bhfad siar.

[55]Ansin, nuair a bhí an tine ar lasadh acu i lár na cúirte, agus iad ina suí síos le chéile, shuigh Peadar ina dhuine eatarthu.

[56]Chonaic cailín aimsire ina shuí sa solas é, agus tar éis di féachaint go caol air, dúirt: “Bhí sé seo freisin ina chuideachta siúd.”

[57]Ach shéan seisean é á rá: Níl aithne agam air, a bhean!”

[58]I gcionn tamaill bhig, chonaic duine eile é agus dúirt: “Is duine díobh sin tusa freisin.” Ach dúirt Peadar: “Ní hea, a dhuine!”

[59]Agus i gcionn timpeall aon uaire amháin, dhearbhaigh duine eile á rá: “Is cinnte go raibh sé seo freisin in éineacht leis siúd, agus, rud eile de, is Gailíleach é.”

[60]Ach dúirt Peadar: “Níl a fhios agam cad tá tú a rá, a dhuine!” Agus ar an mball, le linn dó bheith ag caint, ghlaoigh an coileach.

[61]Agus d'iompaigh an Tiarna agus bhreathnaigh ar Pheadar. Chuimhnigh Peadar ansin ar bhriathar an Tiarna, mar a dúirt sé leis: “Roimh ghlaoch don choileach inniu, séanfaidh tú mé faoi thrí.”

[62]Agus chuaigh sé amach agus ghoil go goirt.

Íosa ina Cheap Magaidh

[63]Ansin, na fir a raibh sé i ngéibheann acu, bhí siad ag fonóid faoi agus á bhualadh;

[64]agus chuiridís dallóg air agus d'fhiafraídís de: “Tairngir! cé hé sin a bhuail thú?”

[65]Agus dúirt siad mórán nithe eile ina aghaidh, á dhiamhaslú.

Íosa i Láthair na Comhairle

[66] Logo que amanheceu, reuniu-se a assembléia dos anciãos do povo, tanto os principais sacerdotes como os escribas, e o conduziram ao Sinédrio, onde lhe disseram:
[67] Se tu és o Cristo, dize-nos. Então, Jesus lhes respondeu: Se vo-lo disser, não o acreditareis;
[68] também, se vos perguntar, de nenhum modo me respondereis.
[69] Desde agora, estará sentado o Filho do Homem à direita do Todo-Poderoso Deus.
[70] Então, disseram todos: Logo, tu és o Filho de Deus? E ele lhes respondeu: Vós dizeis que eu sou.
[71] Clamaram, pois: Que necessidade mais temos de testemunho? Porque nós mesmos o ouvimos da sua própria boca.

Lucas 23

Jesus perante Pilatos

Mateus 27.1-2,11-14; Marcos 15.1-5; João 18.28-38

[1] Levantando-se toda a assembléia, levaram Jesus a Pilatos.
[2] E ali passaram a acusá-lo, dizendo: Encontramos este homem pervertendo a nossa nação, vedando pagar tributo a César e afirmando ser ele o Cristo, o Rei.
[3] Então, lhe perguntou Pilatos: És tu o rei dos judeus? Respondeu Jesus: Tu o dizes.
[4] Disse Pilatos aos principais sacerdotes e às multidões: Não vejo neste homem crime algum.
[5] Insistiam, porém, cada vez mais, dizendo: Ele alvoroça o povo, ensinando

[36] Por isso, quem crê no Filho tem a vida eterna; o que, todavia, se mantém rebelde contra o Filho não verá a vida, mas sobre ele permanece a ira de Deus.

[32]An rud a chonaic sé agus a chuala sé, déanann sé fianaise air, ach ní ghlacann aon duine lena fhianaise.

[33]An té a ghlacann a fhianaise chuir sé a shéala leis gur fírinneach é Dia.

[34]Óir an té a chuir Dia uaidh, labhraíonn sé briathra Dé; mar ní de réir tomhais a thugann [Dia] an Spiorad.

[35]Tá grá ag an Athair don Mhac agus tá gach uile ní tugtha ina láimh aige dó.

[36]An té a chreideann sa Mhac tá an bheatha shíoraí aige. Ach an té nach gcreideann sa Mhac, ní fheicfidh sé an bheatha, ach tá fearg Dé socair air."

João 4

A mulher de Samaria

[1] Quando, pois, o SENHOR veio a saber que os fariseus tinham ouvido dizer que ele, Jesus, fazia e batizava mais discípulos que João

[2] (se bem que Jesus mesmo não batizava, e sim os seus discípulos),

[3] deixou a Judéia, retirando-se outra vez para a Galiléia.

[4] E era-lhe necessário atravessar a província de Samaria.

[5] Chegou, pois, a uma cidade samaritana, chamada Sicar, perto das terras que Jacó dera a seu filho José.

[6] Estava ali a fonte de Jacó. Cansado da viagem, assentara-se Jesus junto à fonte, por volta da hora sexta.

[7] Nisto, veio uma mulher samaritana tirar água. Disse-lhe Jesus: Dá-me de beber.

Eoin 4

Taispeántar an Slánaitheoir do na Samáraigh

[1]Nuair a d'airigh an Tiarna gur chuala na Fairisínigh go raibh níos mó deisceabal á ndéanamh ag Íosa agus á mbaisteadh ná mar a bhí ag Eoin -

[2]fág nárbh é Íosa féin a bhí ag baisteadh ach a dheisceabail -

[3]d'fhág sé Iúdáia agus d'imigh sé arís don Ghailíl.

[4]Níorbh fholáir dó gabháil trí dhúiche na Samáire.

[5]Tháinig sé mar sin go cathair sa tSamáir darbh ainm Suchar, láimh leis an bhfearann a thug Iacób dá mhac Iósaef.

[6]Ansiúd a bhí tobar Iacóib. Mar go raibh Íosa traochta ón aistear, shuigh sé ag an tobar. Timpeall an séú huair a ba ea é.

[7]Tháinig bean ón tSamáir ag tarraingt uisce. Dúirt Íosa léi: "Tabhair dom deoch."

[8] Pois seus discípulos tinham ido à cidade para comprar alimentos.

[9] Então, lhe disse a mulher samaritana: Como, sendo tu judeu, pedes de beber a mim, que sou mulher samaritana (porque os judeus não se dão com os samaritanos)?

[10] Replicou-lhe Jesus: Se conheceras o dom de Deus e quem é o que te pede: dá-me de beber, tu lhe pedirias, e ele te daria água viva.

[11] Respondeu-lhe ela: SENHOR, tu não tens com que a tirar, e o poço é fundo; onde, pois, tens a água viva?

[12] És tu, porventura, maior do que Jacó, o nosso pai, que nos deu o poço, do qual ele mesmo bebeu, e, bem assim, seus filhos, e seu gado?

[13] Afirmou-lhe Jesus: Quem beber desta água tornará a ter sede;

[14] aquele, porém, que beber da água que eu lhe der nunca mais terá sede; pelo contrário, a água que eu lhe der será nele uma fonte a jorrar para a vida eterna.

[15] Disse-lhe a mulher: SENHOR, dá-me dessa água para que eu não mais tenha sede, nem precise vir aqui buscá-la.

[16] Disse-lhe Jesus: Vai, chama teu marido e vem cá;

[17] ao que lhe respondeu a mulher: Não tenho marido. Replicou-lhe Jesus: Bem disseste, não tenho marido;

[8]Bhí a dheisceabail imithe isteach don chathair ag ceannach bia.

[9]Dúirt an Samárach mná leis ansin: “Conas go n-iarrann tusa, agus gur Giúdach thú, deoch ormsa agus gur Samárach mná mé?” Ní bhíonn aon chaidreamh ag Giúdaigh ar Shamáraigh.

[10]D'fhreagair Íosa: “Dá mba eol duit tabhartas Dé,” ar sé léi, “agus cé hé a deir leat: ‘Tabhair dom deoch, ’ is tusa a bheadh ag iarraidh airsean, agus thabharfadh sé duit uisce beo.”

[11]“Níl aon bhuicéad agat, a dhuine uasail,” arsa an bhean leis, “agus tá an tobar domhain. Cad as mar sin a gheobhfá an t-uisce beo seo?

[12]An amhlaidh gur mó thú ná ár n-athair Iacób a thug dúinn an tobar agus gur ól sé féin as agus a chlann agus a thréada?”

[13]D'fhreagair Íosa: “Gach duine a ólann an t-uisce seo,” ar sé léi, “beidh tart arís air.

[14]Ach má olann aon duine an t-uisce a thabharfaidh mise dó, ní bheidh tart air go brách na breithe. Ach an t-uisce a thabharfaidh mise dó, déanfaidh tobar uisce de istigh ann, ag brúchtaíl chun na beathn síoraí.”

[15]Dúirt an bhean leis: “A dhuine uasail, tabhair dom an t-uisce sin i dtreo nach mbeidh tart orm choíche, agus nach gcaithfidh mé teacht anseo ag tarraingt uisce.”

[16]Dúirt sé léi: “Imigh agus glaoigh ar d'fhear agus fill anseo.”

[17]D'fhreagair an bhean: “Níl fear agam,” ar sí leis. Dúirt Íosa léi: “Is maith a dúirt tú: ‘Níl fear agam’;

[18] porque cinco maridos já tiveste, e esse que agora tens não é teu marido; isto disseste com verdade.

A verdadeira adoração

[19] SENHOR, disse-lhe a mulher, vejo que tu és profeta.

[20] Nossos pais adoravam neste monte; vós, entretanto, dizeis que em Jerusalém é o lugar onde se deve adorar.

[21] Disse-lhe Jesus: Mulher, podes crer-me que a hora vem, quando nem neste monte, nem em Jerusalém adorareis o Pai.

[22] Vós adorais o que não conheceis; nós adoramos o que conhecemos, porque a salvação vem dos judeus.

[23] Mas vem a hora e já chegou, em que os verdadeiros adoradores adorarão o Pai em espírito e em verdade; porque são estes que o Pai procura para seus adoradores.

[24] Deus é espírito; e importa que os seus adoradores o adorem em espírito e em verdade.

[25] Eu sei, respondeu a mulher, que há de vir o Messias, chamado Cristo; quando ele vier, nos anunciará todas as coisas.

[26] Disse-lhe Jesus: Eu o sou, eu que falo contigo.

[27] Neste ponto, chegaram os seus discípulos e se admiraram de que estivesse falando com uma mulher; todavia, nenhum lhe disse: Que perguntas? Ou: Por que falas com ela?

[18]óir bhí cúigear fear agat agus an té atá anois agat ní hé d'fhear é. D'inis tú an fhírinne sa mhéid sin."

[19]Dúirt an bhean leis: "A dhuine uasail, feicim gur fáidh thú.

[20]Ar an gcnoc seo a rinne ár n-aithreacha Dia a adhradh, ach deir sibhse gur in Iarúsailéim atá an áit in ar cóir adhradh a dhéanamh."

[21]Dúirt Íosa léi: "Creid uaimse é, a bhean go bhfuil an uain ag teacht nuair nach ar an gcnoc seo ná in Iarúsailéim a dhéanfaidh sibh an tAthair a adhradh.

[22]Adhrann sibhse an ní nach eol daoibh; adhraimidne an ní is eol dúinn; mar is ó na Giúdaigh an slánú.

[23]Ach tá an uain ag teacht, agus is anois féin é, ina ndéanfaidh lucht an fhíoradhartha an tAthair a adhradh sa Spiorad agus san fhírinne; óir sin iad an sórt is mian leis an Athair á adhradh.

[24]Spiorad é Dia, agus lucht a adhartha is i spiorad agus i bhfírinne a chaithfidh siad adhradh."

[25]Dúirt an bhean leis: "Tá a fhios agam go bhfuil an Meisias ag teacht" - is é sin le rá an Críost - "agus nuair a thiocfaidh seisean inseoidh sé gach aon ní dúinn."

[26]Dúirt Íosa léi: "Mise é atá ag caint leat."

[27]Lena linn sin tháinig a dheisceabail agus rinne siad ionadh de go raibh sé ag caint le bean. Ní dúirt aon duine acu, áfach: "Cad tá uait?" ná "Cén fáth tú a bheith ag caint léi?"

[28] Quanto à mulher, deixou o seu cântaro, foi à cidade e disse àqueles homens:

[28]Lig an bhean a crúsca uaithi ansin agus d'imigh léi isteach don chathair agus dúirt leis na daoine:

[29] Vinde comigo e vede um homem que me disse tudo quanto tenho feito. Será este, porventura, o Cristo?!

[29]“Tagaigí go bhfeicfidh sibh fear a d'inis dom gach ní dá ndearna mé. An féidir gurb é an Criost é?”

[30] Saíram, pois, da cidade e vieram ter com ele.

[30]Ghluais deoine amach as an gcathair agus bhí siad ag dul ina threo.

A ceifa e os ceifeiros

[31] Nesse ínterim, os discípulos lhe rogavam, dizendo: Mestre, come!

[31]Lena linn sin bhí a dheisceabail ag tathant air: “A raibí,” ar siad leis, “bí ag ithe.”

[32] Mas ele lhes disse: Uma comida tenho para comer, que vós não conheceis.

[32]Dúirt sé leo: “Tá agam bia le hithe nach eol daoibhse.”

[33] Diziam, então, os discípulos uns aos outros: Ter-lhe-ia, porventura, alguém trazido o que comer?

[33]Ansin dúirt na deisceabail lena chéile: “An féidir gur thug duine éigin rud le hithe dó?”

[34] Disse-lhes Jesus: A minha comida consiste em fazer a vontade daquele que me enviou e realizar a sua obra.

[34]Dúirt Íosa leo: “Is é is bia domsa toil an té a chuir uaidh mé a dhéanamh agus a obair a chur i gcrích.

[35] Não dizeis vós que ainda há quatro meses até à ceifa? Eu, porém, vos digo: erguei os olhos e vede os campos, pois já branquejam para a ceifa.

[35]Nach ndeir sibhse ‘Ceithre mhí eile agus beidh an fómhar ann’? Seo mise á rá libh: Tógaigí bhur súile agus féachaigí ar na goirt; tá siad geal chun an fhómhair.

[36] O ceifeiro recebe desde já a recompensa e entesoura o seu fruto para a vida eterna; e, dessarte, se alegram tanto o semeador como o ceifeiro.

[36]Tá a thuarastal á fháil ag an mbuanaí cheana féin, agus tá toradh á bhailiú aige chun na beatha síoraí, i dtreo go bhfuil lúcháir ar an síoladóir agus ar an mbuanaí in éineacht.

[37] Pois, no caso, é verdadeiro o ditado: Um é o semeador, e outro é o ceifeiro.

[37]Óir is fíor don seanfhocal sa mhéid seo: ‘Cuireann duine, baineann duine eile.’

[38] Eu vos enviei para ceifar o que não semeastes; outros trabalharam, e vós entrastes no seu trabalho.

[38]Sheol mise sibhse uaim chun fómhar a bhaint nár shaothraigh sibh féin. Shaothraigh daoine eile é, agus chuaigh sibhse isteach ina saothar.”

Muitos samaritanos creem em Jesus

[39] Muitos samaritanos daquela cidade creram nele, em virtude do testemunho da

[39]Chreid a lán de Shamáraigh na cathrach sin ann de bharr fhocal na mná ag tabhairt na

mulher, que anunciara: Ele me disse tudo quanto tenho feito.

[40] Vindo, pois, os samaritanos ter com Jesus, pediam-lhe que permanecesse com eles; e ficou ali dois dias.

[41] Muitos outros creram nele, por causa da sua palavra,

[42] e diziam à mulher: Já agora não é pelo que disseste que nós cremos; mas porque nós mesmos temos ouvido e sabemos que este é verdadeiramente o Salvador do mundo.

Jesus volta à Galileia

[43] Passados dois dias, partiu dali para a Galiléia.

[44] Porque o mesmo Jesus testemunhou que um profeta não tem honras na sua própria terra.

[45] Assim, quando chegou à Galiléia, os galileus o receberam, porque viram todas as coisas que ele fizera em Jerusalém, por ocasião da festa, à qual eles também tinham comparecido.

A cura do filho de um oficial do rei

[46] Dirigiu-se, de novo, a Caná da Galiléia, onde da água fizera vinho. Ora, havia um oficial do rei, cujo filho estava doente em Cafarnaum.

[47] Tendo ouvido dizer que Jesus viera da Judéia para a Galiléia, foi ter com ele e lhe rogou que descesse para curar seu filho, que estava à morte.

[48] Então, Jesus lhe disse: Se, porventura, não virdes sinais e prodígios, de modo nenhum crereis.

fianaise: "D'inis sé dom gach ní dá ndearna mé."

[40]Nuair a tháinig na Samáraigh chuige dá bhrí sin bhí siad ag tathant air fanacht faróthu, agus d'fhan sé ansiúd dhá lá.

[41]Ba mhó go mór a chreid de bharr a bhriathair

[42]agus deiridís leis an mbean: "Ní mar gheall ar do chuid cainte a chreidimid a thuilleadh; óir chualamar féin é agus tá a fhios againn gurb é seo dáiríre Slánaitheoir an domhain."

Leigheas Mhac an Oifigigh Ríoga

[43]Tar éis an dá lá d'fhág sé an áit sin agus d'imigh don Ghailíl.

[44]Óir Íosa féin go deimhin a thug fianaise nach bhfaigheann fáidh onóir ina dhúiche féin.

[45]Ach ar theacht don Ghailíl dó dá bhrí sin ghlac muintir na Gailíle é de bhrí go bhfaca siad na nithe go léir a rinne sé in Iarúsailéim lá na féile mar chuaigh siad féin ar an bhféile chomh maith.

[46]Chuaigh sé arís dá réir sin go Cána na Gailíle mar a ndearna sé fíon den uisce. Bhí oifigeach ríoga ann a raibh a mhac tinn i gCafarnáum.

[47]Ar a chloisteáil dó go raibh Íosa tar éis teacht ó Iúdáia go dtí an Ghailíl, chuaigh an fear seo ag triall air agus d'iarr air teacht anuas agus a mhac a leigheas mar bhí sé le hucht báis.

[48]Dúirt Íosa leis: "Mura mbíonn comharthaí agus iontais le feiceáil agaibh ní chreidfidh sibh ar aon chor."

[49] Rogou-lhe o oficial: SENHOR, desce, antes que meu filho morra.

[50] Vai, disse-lhe Jesus; teu filho vive. O homem creu na palavra de Jesus e partiu.

[51] Já ele descia, quando os seus servos lhe vieram ao encontro, anunciando-lhe que o seu filho vivia.

[52] Então, indagou deles a que hora o seu filho se sentira melhor. Informaram: Ontem, à hora sétima a febre o deixou.

[53] Com isto, reconheceu o pai ser aquela precisamente a hora em que Jesus lhe dissera: Teu filho vive; e creu ele e toda a sua casa.

[54] Foi este o segundo sinal que fez Jesus, depois de vir da Judéia para a Galiléia.

João 5

A cura de um paralítico

[1] Passadas estas coisas, havia uma festa dos judeus, e Jesus subiu para Jerusalém.

[2] Ora, existe ali, junto à Porta das Ovelhas, um tanque, chamado em hebraico Betesda, o qual tem cinco pavilhões.

[3] Nestes, jazia uma multidão de enfermos, cegos, coxos, paralíticos

[4] [esperando que se movesse a água. Porquanto um anjo descia em certo tempo, agitando-a; e o primeiro que entrava no tanque, uma vez agitada a água, sarava de qualquer doença que tivesse].

[49]Dúirt an t-oifigeach ríoga leis: “Tar anuas, a dhuine uasail, sula bhfaighidh mo mhac beag bás.”

[50]Dúirt Íosa leis: “Imigh leat, tá do mhac beo.” Chreid an duine an focal a dúirt Íosa leis agus d'imigh.

[51]Ina bhóthar síos dó casadh a sheirbhísigh air agus d'inis siad dó go raibh a mhac beo.

[52]D'fhiafraigh sé díobh ansin cén uair a tháinig biseach air. Dúirt siad leis: “Ar an seachtú huair inné d'fhág an fiabhras é.”

[53]Thuig an t-athair ansin gur ar an uair sin féin a dúirt Íosa leis: “Tá do mhac beo,” agus chreid sé féin agus a theaghlach ar fad.

[54]Is í seo an dara míorúilt eile a rinne Íosa nuair a tháinig sé ó Iúdáia don Ghailíl.

Eoin 5

Leigheas ar an tSabóid

[1]Ina dhiaidh sin tharla féile de chuid na nGiúdach agus chuaigh Íosa suas go Iarúsailéim.

[2]Tá in Iarúsailéim, ag Geata na gCaorach, linn ar a dtugtar Béatsata san Eabhrais, agus ag a bhfuil cúig cholúnáid.

[3]Iontusan sin bhí slua mór de dhaoine tinne - daill agus bacaigh agus pairilísigh ina luí (ag feitheamh le corraí an uisce.

[4]Mar thagadh aingeal an Tiarna anuas ar uaire sa linn agus chorraíodh sé an t-uisce. An chéad duine isteach sa linn tar éis chorraí an uisce, leigheastaí é ó cibé galar a bhíodh air).

[5] Estava ali um homem enfermo havia trinta e oito anos.

[6] Jesus, vendo-o deitado e sabendo que estava assim há muito tempo, perguntou-lhe: Queres ser curado?

[7] Respondeu-lhe o enfermo: SENHOR, não tenho ninguém que me ponha no tanque, quando a água é agitada; pois, enquanto eu vou, desce outro antes de mim.

[8] Então, lhe disse Jesus: Levanta-te, toma o teu leito e anda.

[9] Imediatamente, o homem se viu curado e, tomando o leito, pôs-se a andar. E aquele dia era sábado.

[10] Por isso, disseram os judeus ao que fora curado: Hoje é sábado, e não te é lícito carregar o leito.

[11] Ao que ele lhes respondeu: O mesmo que me curou me disse: Toma o teu leito e anda.

[12] Perguntaram-lhe eles: Quem é o homem que te disse: Toma o teu leito e anda?

[13] Mas o que fora curado não sabia quem era; porque Jesus se havia retirado, por haver muita gente naquele lugar.

[14] Mais tarde, Jesus o encontrou no templo e lhe disse: Olha que já estás curado; não peques mais, para que não te suceda coisa pior.

[15] O homem retirou-se e disse aos judeus que fora Jesus quem o havia curado.

[16] E os judeus perseguiam Jesus, porque fazia estas coisas no sábado.

[5]Bhí aon duine amháin ann agus a ghalar air le hocht mbliana déag ar fhichid.

[6]Nuair a chonaic Íosa an duine seo ina luí ansiúd agus a fhios aige go raibh mórán ama caite aige ann, dúirt sé leis: “Ar mhaith leat go ndéanfaí slán thú?”

[7]“A dhuine uasail,” arsa an t-easlán leis á fhreagairt, “níl aon duine agam chun mé a chur isteach sa linn nuair a chorraítear an t-uisce; fad a bhím ag teacht, téann duine eile síos romham.”

[8]Dúirt Íosa leis: “Éirigh, tóg do shráideog agus siúil.”

[9]Leigheasadh an duine láithreach, thóg sé a shráideog agus shiúil leis.

[10]Bhí an tsabóid ann an lá sin más ea. Chrom na Giúdaigh dá bhrí sin ar a rá leis an té a leigheasadh: “Tá sé ina shabóid, agus ní ceadmhach duit do shráideog a iompar.”

[11]D'fhreagair sé iad: “An té a rinne slán mé, dúirt sé liom: ‘Tóg do shráideog agus siúil.’ ”

[12]D'fhiafraigh siad de ansin: “Cé hé an duine a dúirt leat: ‘Tóg do shráideog agus siúil’?”

[13]Ach ní raibh a fhios ag an té a leigheasadh cérbh é, mar bhí Íosa imithe i leataobh ón slua a bhí cruinnithe san áit.

[14]Fuair Íosa ina dhiaidh sin é sa Teampall agus dúirt leis: “Féach, tá tú leigheasta. Ná déan peaca feasta le heagla go mbainfeadh rud éigin níos measa duit.”

[15]D'imigh an duine agus d'inis sé do na Giúdaigh gurbh é Íosa a leigheas é.

[16]Is dá bharrsan a bhí na Giúdaigh ag géarleanúint ar Íosa mar go ndearna sé na nithe seo ar an tsabóid.

[17] Mas ele lhes disse: Meu Pai trabalha até agora, e eu trabalho também.

[18] Por isso, pois, os judeus ainda mais procuravam matá-lo, porque não somente violava o sábado, mas também dizia que Deus era seu próprio Pai, fazendo-se igual a Deus.

Jesus explica a sua missão

[19] Então, lhes falou Jesus: Em verdade, em verdade vos digo que o Filho nada pode fazer de si mesmo, senão somente aquilo que vir fazer o Pai; porque tudo o que este fizer, o Filho também semelhantemente o faz.

[20] Porque o Pai ama ao Filho, e lhe mostra tudo o que faz, e maiores obras do que estas lhe mostrará, para que vos maravilheis.

[21] Pois assim como o Pai ressuscita e vivifica os mortos, assim também o Filho vivifica aqueles a quem quer.

[22] E o Pai a ninguém julga, mas ao Filho confiou todo julgamento,

[23] a fim de que todos honrem o Filho do modo por que honram o Pai. Quem não honra o Filho não honra o Pai que o enviou.

[24] Em verdade, em verdade vos digo: quem ouve a minha palavra e crê naquele que me enviou tem a vida eterna, não entra em juízo, mas passou da morte para a vida.

[25] Em verdade, em verdade vos digo que vem a hora e já chegou, em que os mortos

[17]Is é freagra a thug Íosa orthu: “Tá m'Athair ag obair anois, agus riamh, agus táimse ag obair chomh maith.”

[18]Ba mhóide sin mar ba mhian leis na Giúdaigh é chur chun báis, mar níorbh é amháin go mbíodh sé ag briseadh na sabóide ach ag tabhairt a athair féin ar Dhia, á chur féin ar aon chéim le Dia.

[19]Thug Íosa freagra: “Amen, Amen, a deirim libh, ní féidir don Mhac aon ní a dhéanamh uaidh féin mura bhfeiceann sé ní éigin á dhéanamh ag a Athair. Cibé nithe a dhéanann an tAthair, déanann an Mac iad ar an gcuma chéanna.

[20]Óir tá cion ag an Athair ar an Mac agus taispeánann sé dó a ndéanann sé féin, agus taispeánfaidh sé dó oibreacha is mó ná iad seo i dtreo go mbeidh ionadh oraibhse.

[21]Óir faoi mar a thógann an tAthair na mairbh agus iad a dhéanamh beo, mar an gcéanna déanann an Mac beo an mhuintir is toil leis;

[22]mar ní thugann an tAthair breith ar aon duine ach thug sé an uile bhreith dá Mhac,

[23]i dtreo go dtabharfadh cách onóir don Mhac, mar a thugann siad don Athair. An té nach dtugann onóir don Mhac ní thugann sé onóir don Athair a chuir uaidh é.

[24]Amen, Amen, a deirim libh, an té a éisteann le mo bhriathar, agus a chreideann an té a chuir uaidh mé, tá an bheatha shíoraí aige; ní thagann sé chun breithiúnais, ach tá sé dulta ó bhás go beatha.

[25]Amen, Amen, a deirim libh, tá an uair ag teacht - tá sí ann cheana - nuair a chluinfidh na mairbh glór Mhac Dé agus iad seo a chluinfidh, mairfidh siad.

ouvirão a voz do Filho de Deus; e os que a ouvirem viverão.

26 Porque assim como o Pai tem vida em si mesmo, também concedeu ao Filho ter vida em si mesmo.

26Óir faoi mar atá beatha ag an Athair ann féin, thug sé don Mhac mar an gcéanna beatha a bheith ann féin aige,

27 E lhe deu autoridade para julgar, porque é o Filho do Homem.

27agus thug sé údarás dó breithiúnas a dhéanamh de bhrí gurb é Mac an Duine é.

28 Não vos maravilheis disto, porque vem a hora em que todos os que se acham nos túmulos ouvirão a sua voz e sairão:

28Ná déanaigí ionadh den mhéid sin, óir tá an uair ag teacht, a gcluinfidh a bhfuil sna tuamaí glór Mhac Dé,

29 os que tiverem feito o bem, para a ressurreição da vida; e os que tiverem praticado o mal, para a ressurreição do juízo.

29agus tiocfaidh siad amach - iad seo a rinne an mhaith chun aiséirí na beatha, agus iad seo a rinne an t-olc chun aiséirí an bhreithiúnais.

30 Eu nada posso fazer de mim mesmo; na forma por que ouço, julgo. O meu juízo é justo, porque não procuro a minha própria vontade, e sim a daquele que me enviou.

30Ní féidir domsa aon ní a dhéanamh uaim féin. De réir mar a chluinim is ea a thugaim breithiúnas agus is cóir í mo bhreith, óir ní hí mo thoil féin a shantaím ach toil an té a chuir uaidh mé.

31 Se eu testifico a respeito de mim mesmo, o meu testemunho não é verdadeiro.

31Dá dtabharfainn fianaise orm féin ní bheadh m'fhianaise iontaofa.

32 Outro é o que testifica a meu respeito, e sei que é verdadeiro o testemunho que ele dá de mim.

32Tá neach eile ann a thugann fianaise orm, agus tá a fhios agam gur iontaofa an fhianaise a thugann sé orm.

33 Mandastes mensageiros a João, e ele deu testemunho da verdade.

33Chuir sibh teachtairí ag triall ar Eoin agus thug sé fianaise ar an bhfírinne.

34 Eu, porém, não aceito humano testemunho; digo-vos, entretanto, estas coisas para que sejais salvos.

34Ní hé go nglacaimse fianaise ó dhaoine, ach tá na nithe seo á rá agam chun go slanófaí sibh.

35 Ele era a lâmpada que ardia e alumiava, e vós quisestes, por algum tempo, alegrar-vos com a sua luz.

35Lóchrann ar lasadh agus ag taitneamh a ba ea é siúd, agus níor mhiste libhse ar feadh tamaill áthas a fháil ina sholas.

36 Mas eu tenho maior testemunho do que o de João; porque as obras que o Pai me confiou para que eu as realizasse, essas

36Ach tá fianaise agamsa is mó ná fianaise Eoin. Óir na hoibreacha a thug m'Athair dom le cur i gcrích, na hoibreacha sin féin a

que eu faço testemunham a meu respeito de que o Pai me enviou.

37 O Pai, que me enviou, esse mesmo é que tem dado testemunho de mim. Jamais tendes ouvido a sua voz, nem visto a sua forma.

38 Também não tendes a sua palavra permanente em vós, porque não credes naquele a quem ele enviou.

39 Examinais as Escrituras, porque julgais ter nelas a vida eterna, e são elas mesmas que testificam de mim.

40 Contudo, não quereis vir a mim para terdes vida.

41 Eu não aceito glória que vem dos homens;

42 sei, entretanto, que não tendes em vós o amor de Deus.

43 Eu vim em nome de meu Pai, e não me recebeis; se outro vier em seu próprio nome, certamente, o recebereis.

44 Como podeis crer, vós os que aceitais glória uns dos outros e, contudo, não procurais a glória que vem do Deus único?

45 Não penseis que eu vos acusarei perante o Pai; quem vos acusa é Moisés, em quem tendes firmado a vossa confiança.

46 Porque, se, de fato, crêsseis em Moisés, também creríeis em mim; porquanto ele escreveu a meu respeito.

47 Se, porém, não credes nos seus escritos, como crereis nas minhas palavras?

João 6

A multiplicação de pães e peixes
Mateus 14.13-21; Marcos 6.30-44; Lucas 9.10-17

dhéanaim, tugann siad fianaise gur chuir an tAthair uaidh mé.

37An tAthair féin a chuir uaidh mé, thug sé fianaise orm. Níor chuala sibh riamh a ghuth ná ní fhaca sibh a dheilbh,

38agus níl a bhriathar agaibh ag lonnú ionaibh, mar ní chreideann sibh sa té a chuir seisean uaidh.

39Déanann sibh na scrioptúir a spiúnadh mar gur dóigh libh go bhfuil an bheatha shíoraí agaibh iontu: agus is iadsan atá ag tabhairt fianaise i mo thaobhsa,

40ach ní áil libh teacht chugam i dtreo go mbeadh beatha agaibh.

41Ní ghabhaim glóir ó dhaoine.

42Ach tá aithne agam oraibh, nach bhfuil grá Dé agaibh ionaibh.

43Tháinig mise in ainm m'Athar, agus ní ghlacann sibh mé; má thagann duine eile ina ainm féin, glacfaidh sibh eisean.

44Conas a b'fhéidir daoibh creidiúint, agus glóir á glacadh agaibh óna chéile gan aon lorg agaibh ar an nglóir a thagann ó Dhia amháin.

45Ná measaigí go bhfuilim chun sibh a chúisiú i láthair an Athar; tá duine do bhur gcuisiú - Maois, an té a bhfuil muinín agaibh as.

46Dá gcreidfeadh sibh Maois, chreidfeadh sibh mise, óir is i mo thaobhsa a scríobh seisean.

47Mura gcreideann sibh a scríbhinní-sean, conas a chreidfidh sibh mo bhriathar-sa?

Eoin 6

Míorúilt na mBuilíní

[1] Depois destas coisas, atravessou Jesus o mar da Galiléia, que é o de Tiberíades.

[2] Seguia-o numerosa multidão, porque tinham visto os sinais que ele fazia na cura dos enfermos.

[3] Então, subiu Jesus ao monte e assentou-se ali com os seus discípulos.

[4] Ora, a Páscoa, festa dos judeus, estava próxima.

[5] Então, Jesus, erguendo os olhos e vendo que grande multidão vinha ter com ele, disse a Filipe: Onde compraremos pães para lhes dar a comer?

[6] Mas dizia isto para o experimentar; porque ele bem sabia o que estava para fazer.

[7] Respondeu-lhe Filipe: Não lhes bastariam duzentos denários de pão, para receber cada um o seu pedaço.

[8] Um de seus discípulos, chamado André, irmão de Simão Pedro, informou a Jesus:

[9] Está aí um rapaz que tem cinco pães de cevada e dois peixinhos; mas isto que é para tanta gente?

[10] Disse Jesus: Fazei o povo assentar-se; pois havia naquele lugar muita relva. Assentaram-se, pois, os homens em número de quase cinco mil.

[11] Então, Jesus tomou os pães e, tendo dado graças, distribuiu-os entre eles; e também igualmente os peixes, quanto queriam.

[12] E, quando já estavam fartos, disse Jesus aos seus discípulos: Recolhei os pedaços que sobraram, para que nada se perca.

[1]Ina dhiaidh sin d'imigh Íosa anonn thar farraige na Gailíle, is é sin, farraige Thibirias.

[2]Lean slua mór é mar chonaic siad na comharthaí a bhí sé a dhéanamh ar lucht tinnis.

[3]Ghabh Íosa an sliabh suas agus shuigh ansiúd in éineacht lena dheisceabail.

[4]Bhí féile na nGiúdach, an Cháisc, in achmaireacht.

[5]Nuair a d'ardaigh Íosa a shúile, mar sin, agus nuair a chonaic go raibh slua mór ag teacht chuige, dúirt sé le Pilib: “Cá gceannóimid arán chun go mbeadh bia acu seo?”

[6]Ag baint trialach as a dúirt sé é sin, mar bhí a fhios aige féin cad a bhí sé chun a dhéanamh.

[7]D'fhreagair Pilib é: “Níor leor luach dhá chéad déanar d'arán chun go mbeadh greim an duine acu.”

[8]Dúirt duine dá dheisceabail leis - ba é Aindrias é, deartháir Shíomóin Peadar:

[9]“Tá ógánach anseo a bhfuil cúig builíní eorna aige, agus dhá iasc, ach cá rachadh an méid sin ar oiread daoine?”

[10]Dúirt Íosa: “Cuirigí na daoine ina suí” - bhí mórán féir san áit. Shuigh siad síos mar sin, timpeall cúig mhíle duine.

[11]Agus thóg Íosa na builíní, d'altaigh, agus roinn iad ar na daoine agus iad ina suí; agus mar an gcéanna oiread agus a b'áil leo de na héisc.

[12]Nuair a bhí siad sách, dúirt sé lena dheisceabail: “Bailígí an bruscar fuíligh chun nach rachadh aon ní amú.”

[13] Assim, pois, o fizeram e encheram doze cestos de pedaços dos cinco pães de cevada, que sobraram aos que haviam comido.

[14] Vendo, pois, os homens o sinal que Jesus fizera, disseram: Este é, verdadeiramente, o profeta que devia vir ao mundo.

[15] Sabendo, pois, Jesus que estavam para vir com o intuito de arrebatá-lo para o proclamarem rei, retirou-se novamente, sozinho, para o monte.

Jesus anda por sobre o mar

Mateus 14.22-33; Marcos 6.45-52

[16] Ao descambar o dia, os seus discípulos desceram para o mar.

[17] E, tomando um barco, passaram para o outro lado, rumo a Cafarnaum. Já se fazia escuro, e Jesus ainda não viera ter com eles.

[18] E o mar começava a empolar-se, agitado por vento rijo que soprava.

[19] Tendo navegado uns vinte e cinco a trinta estádios, eis que viram Jesus andando por sobre o mar, aproximando-se do barco; e ficaram possuídos de temor.

[20] Mas Jesus lhes disse: Sou eu. Não temais!

[21] Então, eles, de bom grado, o receberam, e logo o barco chegou ao seu destino.

Jesus, o pão da vida

[22] No dia seguinte, a multidão que ficara do outro lado do mar notou que ali não havia senão um pequeno barco e que Jesus

[13]Bhailigh siad ansin lán dhá chiseán déag de bhruscar as na cúig builíní eorna, a d'fhág na daoine a fuair an béile.

[14]Nuair a chonaic na daoine, mar sin, cad é mar chomhartha a bhí déanta ag Íosa, dúirt siad: “Is é seo go dearfa an fáidh atá le teacht ar an saol.”

[15]Agus ó bhí a fhios ag Íosa go raibh ar aigne acu teacht á fhuadach chun rí a dhéanamh de, chuaigh sé i leataobh arís faoin sliabh ina aonar.

Íosa ag Siúl ar an Uisce

[16]Nuair a bhí an tráthnóna ann chuaigh a dheisceabail síos chun na farraige,

[17]agus ar dhul ar bord loinge dóibh chuaigh siad trasna na farraige i dtreo Chafarnáum. Bhí an dorchacht ann feasta agus ní raibh Íosa tagtha chucu fós.

[18]Bhí gaoth mhór ag séideadh agus d'éirigh suaitheadh ar an bhfarraige.

[19]Nuair a bhí cúig nó deich staid fichead d'fharraige curtha díobh acu, chonaic siad Íosa ag siúl ar an bhfarraige agus é ag teacht i gcóngar na loinge; agus tháinig scanradh orthu.

[20]Ach dúirt sé leo: “Mise atá ann. Ná bíodh eagla oraibh.”

[21]B'áil leo ansin é thógáil isteach sa long, agus bhí an long gan aon mhoill ag an talamh mar a raibh siad ag dul.

Seanmóir i gCafarnáum

[22]Lá arna mhárach chonaic an slua a d'fhan ar an taobh thall den fharraige nach raibh aon long eile ann ach an t-aon long amháin agus nach ndeachaigh Íosa sa long lena

não embarcara nele com seus discípulos, tendo estes partido sós.

dheisceabail ach gur imigh a dheisceabail leo féin.

[23] Entretanto, outros barquinhos chegaram de Tiberíades, perto do lugar onde comeram o pão, tendo o SENHOR dado graças.

[23]Tháinig, áfach, longa eile ó Thibirias isteach in aice na háite inar caitheadh an bia tar éis altú an Tiarna.

[24] Quando, pois, viu a multidão que Jesus não estava ali nem os seus discípulos, tomaram os barcos e partiram para Cafarnaum à sua procura.

[24]Nuair a chonaic an slua mar sin nach raibh Íosa ná a dheisceabail san áit, chuaigh siad ar bord na long agus tháinig siad go Cafarnáum ar lorg Íosa.

[25] E, tendo-o encontrado no outro lado do mar, lhe perguntaram: Mestre, quando chegaste aqui?

[25]Nuair a fuair siad é taobh thall den fharraige dúirt siad leis: “A raibí, cén uair a tháinig tú anseo?”

[26] Respondeu-lhes Jesus: Em verdade, em verdade vos digo: vós me procurais, não porque vistes sinais, mas porque comestes dos pães e vos fartastes.

[26]D'fhreagair Íosa: “Amen, Amen, a deirim libh, tá sibh ar mo lorg, agus ní de bhrí go bhfaca sibh comharthaí ach de bhrí gur ith sibh na builíní agus go bhfuair sibh bhur sáith.

[27] Trabalhai, não pela comida que perece, mas pela que subsiste para a vida eterna, a qual o Filho do Homem vos dará; porque Deus, o Pai, o confirmou com o seu selo.

[27]Ná saothraigí an bia a théann amú, ach saothraigí an bia a mhaireann chun na beatha síoraí, é siúd a thabharfaidh Mac an Duine daoibh. Óir is air sin a chuir Dia an tAthair a shéala.”

[28] Dirigiram-se, pois, a ele, perguntando: Que faremos para realizar as obras de Deus?

[28]Dúirt siad leis ansin: “Cad tá le déanamh againn ionas go ndéanfaimis oibreacha Dé?”

[29] Respondeu-lhes Jesus: A obra de Deus é esta: que creiais naquele que por ele foi enviado.

[29]D'fhreagair Íosa: “Is í seo obair Dé,” ar sé leo, “go gcreidfeadh sibh sa té a chuir sé uaidh.”

[30] Então, lhe disseram eles: Que sinal fazes para que o vejamos e creiamos em ti? Quais são os teus feitos?

[30]Dúirt siad leis: “Cén comhartha mar sin atá tú a dhéanamh ionas go bhfeicfimis é agus go gcreidfimis ionat? Cad atá tú a dhéanamh?

[31] Nossos pais comeram o maná no deserto, como está escrito: Deu-lhes a comer pão do céu.

[31]D'ith ár n-aithreacha manna san fhásach faoi mar atá scríofa: ‘Thug sé arán ó neamh dóibh le hithe.’ ”

[32] Replicou-lhes Jesus: Em verdade, em verdade vos digo: não foi Moisés quem vos

[32]Dúirt Íosa leo ansin: “Amen, Amen, a deirim libh, ní hé Maois a thug an t-arán ó neamh

deu o pão do céu; o verdadeiro pão do céu é meu Pai quem vos dá.

daoibh, ach is é m'Athair a thugann an t-arán ó neamh daoibh, an t-arán fírinneach.

[33] Porque o pão de Deus é o que desce do céu e dá vida ao mundo.

[33]Óir is é arán Dé an té a thagann anuas ó neamh agus a thugann beatha don domhan."

[34] Então, lhe disseram: SENHOR, dá-nos sempre desse pão.

[34]"A dhuine uasail," ar siad ansin leis, "tabhair dúinn an t-arán sin i gcónaí." Dúirt Íosa leo:

[35] Declarou-lhes, pois, Jesus: Eu sou o pão da vida; o que vem a mim jamais terá fome; e o que crê em mim jamais terá sede.

[35]"Mise arán na beatha, an té a thagann chugamsa ní bheidh ocras air choíche, agus an té a chreideann ionamsa ní bheidh tart air choíche.

[36] Porém eu já vos disse que, embora me tenhais visto, não credes.

[36]Ach dúirt mé libh go bhfaca sibh mé agus nach gcreideann sibh.

[37] Todo aquele que o Pai me dá, esse virá a mim; e o que vem a mim, de modo nenhum o lançarei fora.

[37]Gach a dtugann an tAthair dom tiocfaidh sé chugam, agus an té a thagann chugam ní chaithfidh mé amach é.

[38] Porque eu desci do céu, não para fazer a minha própria vontade, e sim a vontade daquele que me enviou.

[38]Óir tháinig mé anuas ó neamh ní chun go ndéanfainn mo thoil féin ach toil an té a chuir uaidh mé.

[39] E a vontade de quem me enviou é esta: que nenhum eu perca de todos os que me deu; pelo contrário, eu o ressuscitarei no último dia.

[39]Agus is é seo toil an Athar a chuir uaidh mé, nach gcaillfinn aon chuid dár thug sé dom, ach go dtógfainn suas é an lá deireanach.

[40] De fato, a vontade de meu Pai é que todo homem que vir o Filho e nele crer tenha a vida eterna; e eu o ressuscitarei no último dia.

[40]Óir is é seo is toil leis an Athair a chuir uaidh mé, gach duine a fheiceann an Mac agus a chreideann ann, go mbeadh an bheatha shíoraí aige, agus tógfaidh mé suas é an lá deireanach."

A murmuração dos judeus

[41] Murmuravam, pois, dele os judeus, porque dissera: Eu sou o pão que desceu do céu.

[41]Thosaigh na Giúdaigh ansin ag cnáimhseáil mar gheall air go ndúirt sé: "Is mise an t-arán a tháinig anuas ó neamh."

[42] E diziam: Não é este Jesus, o filho de José? Acaso, não lhe conhecemos o pai e a mãe? Como, pois, agora diz: Desci do céu?

[42]"Nach é seo," a deiridís, "Íosa mac Iósaef a bhfuil aithne againn ar a athair agus ar a mháthair? Cén chaoi is féidir leis a rá: 'Tháinig mé anuas ó neamh'?"

[43] Respondeu-lhes Jesus: Não murmureis entre vós.

[44] Ninguém pode vir a mim se o Pai, que me enviou, não o trouxer; e eu o ressuscitarei no último dia.

[45] Está escrito nos profetas: E serão todos ensinados por Deus. Portanto, todo aquele que da parte do Pai tem ouvido e aprendido, esse vem a mim.

[46] Não que alguém tenha visto o Pai, salvo aquele que vem de Deus; este o tem visto.

[47] Em verdade, em verdade vos digo: quem crê em mim tem a vida eterna.

[48] Eu sou o pão da vida.

[49] Vossos pais comeram o maná no deserto e morreram.

[50] Este é o pão que desce do céu, para que todo o que dele comer não pereça.

[51] Eu sou o pão vivo que desceu do céu; se alguém dele comer, viverá eternamente; e o pão que eu darei pela vida do mundo é a minha carne.

[52] Disputavam, pois, os judeus entre si, dizendo: Como pode este dar-nos a comer a sua própria carne?

[53] Respondeu-lhes Jesus: Em verdade, em verdade vos digo: se não comerdes a carne do Filho do Homem e não beberdes o seu sangue, não tendes vida em vós mesmos.

[54] Quem comer a minha carne e beber o meu sangue tem a vida eterna, e eu o ressuscitarei no último dia.

[43]D'fhreagair Íosa: “Ná bígí ag cnáimhseáil eadraibh féin,” ar sé.

[44]“Ní féidir d'aon duine teacht chugam, gan an tAthair a chuir uaidh mé á tharraingt, agus tógfaidh mise suas é an lá deireanach.

[45]Tá sé scríofa sna fáithe: ‘Beidh siad go léir á dteagasc ag Dia.’ An té a chluineann teagasc an Athar, agus a fhoghlaimíonn, tagann sé chugamsa.

[46]Ní hé go bhfaca aon duine an tAthair; ach an té atá tagtha ón Athair, chonaic seisean an tAthair.

[47]Amen, Amen, a deirim libh, an té a chreideann, tá an bheatha shíoraí aige.

[48]Mise arán na beatha.

[49]D'ith bhur n-aithreacha manna san fhásach agus fuair siad bás.

[50]Is é seo an t-arán a thagann anuas ó neamh, i dtreo má itheann duine é nach bhfaighidh sé bás.

[51]Is mise an t-arán beo a tháinig anuas ó neamh. Má itheann duine an t-arán seo mairfidh sé go deo, agus an t-arán a thabharfaidh mé uaim is é m'fheoil é [a thabharfar] ar son bheatha an domhain.”

[52]Bhí na Giúdaigh ansin ag aighneas le chéile á rá: “Conas is féidir don duine seo a fheoil a thabhairt dúinn le hithe?”

[53]Dúirt Íosa leo: “Amen, Amen, a deirim libh, mura n-íosfaidh sibh feoil Mhac an Duine, agus a chuid fola a ól, ní bheidh beatha agaibh ionaibh.

[54]An té a itheann m'fheoil agus a olann m'fhuil, tá an bheatha shíoraí aige, agus tógfaidh mé suas é an lá deireanach.

[55] Pois a minha carne é verdadeira comida, e o meu sangue é verdadeira bebida.

[56] Quem comer a minha carne e beber o meu sangue permanece em mim, e eu, nele.

[57] Assim como o Pai, que vive, me enviou, e igualmente eu vivo pelo Pai, também quem de mim se alimenta por mim viverá.

[58] Este é o pão que desceu do céu, em nada semelhante àquele que os vossos pais comeram e, contudo, morreram; quem comer este pão viverá eternamente.

[59] Estas coisas disse Jesus, quando ensinava na sinagoga de Cafarnaum.

Os discípulos escandalizados

[60] Muitos dos seus discípulos, tendo ouvido tais palavras, disseram: Duro é este discurso; quem o pode ouvir?

[61] Mas Jesus, sabendo por si mesmo que eles murmuravam a respeito de suas palavras, interpelou-os: Isto vos escandaliza?

[62] Que será, pois, se virdes o Filho do Homem subir para o lugar onde primeiro estava?

[63] O espírito é o que vivifica; a carne para nada aproveita; as palavras que eu vos tenho dito são espírito e são vida.

[64] Contudo, há descrentes entre vós. Pois Jesus sabia, desde o princípio, quais eram os que não criam e quem o havia de trair.

[65] E prosseguiu: Por causa disto, é que vos tenho dito: ninguém poderá vir a mim, se, pelo Pai, não lhe for concedido.

Muitos discípulos se retiram

[55]Is bia go fíor mo chuid feola agus is deoch go fíor mo chuid fola.

[56]An té a itheann m'fheoil agus a ólann m'fhuil cónaíonn sé ionamsa agus cónaímse ann.

[57]Amhail mar a chuir an tAthair beo mise uaidh, agus mar is beo mise tríd an Athair, mar an gcéanna, an té a itheann mise, mairfidh sé tríom.

[58]Is é seo an t-arán a tháinig anuas ó neamh. Ní ionann is an manna ar ith bhur n-aithreacha é agus go bhfuil siad marbh; an té a itheann an t-arán seo, mairfidh sé go deo.”

[59]Dúirt sé na nithe seo i gCafarnáum agus é ag teagasc sa tsionagóg.

[60]Ar gclos na cainte dá lán dá dheisceabail dúirt siad: “Is crua an chaint í seo, agus cé a d'fhéadfadh éisteacht léi?”

[61]Bhí a fhios ag Íosa ann féin go raibh a dheisceabail ag cnáimhseáil ina thaobh seo agus dúirt sé leo: “An bhfuil an méid seo ina cheap tuisle agaibh?

[62]Ach cad é má fheiceann sibh Mac an Duine ag dul suas mar a raibh sé cheana?

[63]Is é an spiorad a dhéanann beoú, ní dhéanann an fheoil aon tairbhe. Na focail atá ráite agam libh, is spiorad agus is beatha iad.

[64]Ach tá cuid agaibh nach gcreideann.” Óir bhí a fhios ag Íosa ó thús cérbh iad nár chreid agus cé a bhí ar tí é a bhrath.

[65]Lean sé air: “Uime sin is ea a dúirt mé libh nach féidir d'aon duine teacht chugam gan sin a bheith tugtha dó ag m'Athair.”

[66] À vista disso, muitos dos seus discípulos o abandonaram e já não andavam com ele.

[67] Então, perguntou Jesus aos doze: Porventura, quereis também vós outros retirar-vos?

[68] Respondeu-lhe Simão Pedro: SENHOR, para quem iremos? Tu tens as palavras da vida eterna;

[69] e nós temos crido e conhecido que tu és o Santo de Deus.

[70] Replicou-lhes Jesus: Não vos escolhi eu em número de doze? Contudo, um de vós é diabo.

[71] Referia-se ele a Judas, filho de Simão Iscariotes; porque era quem estava para traí-lo, sendo um dos doze.

[66]Ansin tharraing a lán dá dheisceabail siar agus ní théidís timpeall lena chois a thuilleadh.

[67]Dúirt Íosa dá bhrí sin leis an dáréag: “Cad mar gheall oraibhse, an mian libhse freisin imeacht?”

[68]D'fhreagair Síomón Peadar é: “A Thiarna, cé chuige a rachamaid? Is agatsa atá briathra na beatha síoraí,

[69]agus chreideamar agus tá a fhios againn gur tusa Neach Naofa Dé.”

[70]D'fhreagair Íosa iad: “Nach ndearna mé, sibhse, an dáréag agaibh, a thoghadh? Agus is diabhal duine agaibh.”

[71]Is ar Iúdás mac Shíomóin ó Isceiriót a bhí sé ag caint; óir bhí seisean chun é a bhrath agus gur dhuine den dáréag é.

João 7

A incredulidade dos irmãos de Jesus

[1] Passadas estas coisas, Jesus andava pela Galiléia, porque não desejava percorrer a Judéia, visto que os judeus procuravam matá-lo.

[2] Ora, a festa dos judeus, chamada de Festa dos Tabernáculos, estava próxima.

[3] Dirigiram-se, pois, a ele os seus irmãos e lhe disseram: Deixa este lugar e vai para a Judéia, para que também os teus discípulos vejam as obras que fazes.

[4] Porque ninguém há que procure ser conhecido em público e, contudo, realize os seus feitos em oculto. Se fazes estas coisas, manifesta-te ao mundo.

[5] Pois nem mesmo os seus irmãos criam nele.

Eoin 7

Féile na dTaibearnacal

[1]Ina dhiaidh sin bhí Íosa ag gabháil thart sa Ghailíl, mar níorbh áil leis gabháil thart in Iúdáia mar go raibh na Giúdaigh ag iarraidh é a chur chun báis.

[2]Bhí féile na nGiúdach, féile na dTaibearnacal, in achmaireacht.

[3]Dúirt a bhráithre leis dá bhrí sin: “Fág an áit seo agus imigh go Iúdáia ionas go bhfeicfidh do dheisceabail na hoibreacha atá tú a dhéanamh.

[4]Óir ní dhéanann aon duine aon rud faoi choim, agus fonn air a bheith i mbéal an phobail; má dhéanann tú na nithe seo, taispeáin tú féin don saol.”

[5]Óir níor chreid fiú a bhráithre ann.

[6] Disse-lhes, pois, Jesus: O meu tempo ainda não chegou, mas o vosso sempre está presente.

[6]Dúirt Íosa leo dá bhrí sin: “Níor tháinig m'uain-sé go fóill; ach tá bhur n-uain-sé i gcónaí ullamh.

[7] Não pode o mundo odiar-vos, mas a mim me odeia, porque eu dou testemunho a seu respeito de que as suas obras são más.

[7]Ní féidír don saol fuath a thabhairt daoibhse, ach tá fuath aige domsa mar go dtugaim fianaise ina thaobh go bhfuil a oibreacha go holc.

[8] Subi vós outros à festa; eu, por enquanto, não subo, porque o meu tempo ainda não está cumprido.

[8]Téigí-sé suas chun na féile, ach nílimse ag dul suas chun na féile seo [fós], óir níl m'uain-sé comhlíonta go fóill.”

[9] Disse-lhes Jesus estas coisas e continuou na Galiléia.

[9]Ar rá na nithe sin leo, d'fhan sé sa Ghailíl.

Jesus na Festa dos Tabernáculos

[10] Mas, depois que seus irmãos subiram para a festa, então, subiu ele também, não publicamente, mas em oculto.

[10]Ach nuair a bhí a bhráithreacha imithe suas chun na féile, chuaigh sé féin suas chomh maith, níorbh os ard é, ach mar a bheadh faoi choim.

[11] Ora, os judeus o procuravam na festa e perguntavam: Onde estará ele?

[11]Bhí na Giúdaigh dá réir sin á lorg lá na féile agus deiridís:

[12] E havia grande murmuração a seu respeito entre as multidões. Uns diziam: Ele é bom. E outros: Não, antes, engana o povo.

[12]“Cá bhfuil sé siúd?” agus bhí monabhar mór i measc na sluaite mar gheall air. Bhí cuid acu á rá: “Duine maith é”; tuilleadh acu á rá: “Ní hea, ach ag mealladh an phobail atá sé.”

[13] Entretanto, ninguém falava dele abertamente, por ter medo dos judeus.

[13]Níor labhair aon duine, áfach, amach os ard ina thaobh, le heagla roimh na Giúdaigh.

A controvérsia entre Jesus e os judeus

[14] Corria já em meio a festa, e Jesus subiu ao templo e ensinava.

[14]Nuair a bhí ceiliúradh na féile leath-thart, chuaigh Íosa suas isteach sa Teampall agus chrom ar theagasc.

[15] Então, os judeus se maravilhavam e diziam: Como sabe este letras, sem ter estudado?

[15]Tháinig ionadh, dá bhrí sin, ar na Giúdaigh agus dúirt siad: “Cén chaoi a bhfuil léann aige agus nach bhfuair sé foghlaim?”

[16] Respondeu-lhes Jesus: O meu ensino não é meu, e sim daquele que me enviou.

[16]D'fhreagair Íosa ansin: “An teagasc seo a thugaim,” ar sé, “ní liomsa é ach leis an té a chuir uaidh mé.

17 Se alguém quiser fazer a vontade dele, conhecerá a respeito da doutrina, se ela é de Deus ou se eu falo por mim mesmo.

18 Quem fala por si mesmo está procurando a sua própria glória; mas o que procura a glória de quem o enviou, esse é verdadeiro, e nele não há injustiça.

19 Não vos deu Moisés a lei? Contudo, ninguém dentre vós a observa. Por que procurais matar-me?

20 Respondeu a multidão: Tens demônio. Quem é que procura matar-te?

21 Replicou-lhes Jesus: Um só feito realizei, e todos vos admirais.

22 Pelo motivo de que Moisés vos deu a circuncisão (se bem que ela não vem dele, mas dos patriarcas), no sábado circuncidais um homem.

23 E, se o homem pode ser circuncidado em dia de sábado, para que a lei de Moisés não seja violada, por que vos indignais contra mim, pelo fato de eu ter curado, num sábado, ao todo, um homem?

24 Não julgueis segundo a aparência, e sim pela reta justiça.

Os guardas mandados para prender Jesus

25 Diziam alguns de Jerusalém: Não é este aquele a quem procuram matar?

26 Eis que ele fala abertamente, e nada lhe dizem. Porventura, reconhecem verdadeiramente as autoridades que este é, de fato, o Cristo?

17Más mian le haon duine a thoil-sean a dhéanamh, aithneoidh sé an ó Dhia an teagasc nó an uaim féin atá mé ag labhairt.

18An té a labhraíonn uaidh féin, bíonn a ghlóir féin á lorg aige. An té a lorgann glóir an té a chuir uaidh é, tá sé fírinneach agus níl aon éagóir ann.

19Nár thug Maois an dlí daoibh? agus ní chomhlíonann aon duine agaibh an dlí. Cad chuige daoibh a bheith ag iarraidh mé a chur chun báis?”

20D'fhreagair an slua: “Tá deamhan ionat! Cé atá ag iarraidh tú a chur chun báis?”

21D'fhreagair Íosa: “Aon obair amháin a rinne mé,” ar sé, “agus tá ionadh oraibh go léir.

22Thug Maois, más ea, an timpeallghearradh daoibh - ní hé gurb ó Mhaois é, ach ó na huasalaithreacha - agus déanann sibh timpeallghearradh ar dhuine fiú sa tsabóid.

23Má dhéantar timpeallghearradh ar dhuine sa tsabóid chun nach mbrisfí dlí Mhaois, an bhfuil fearg oraibh liomsa mar go ndearna mé duine iomlán a leigheas sa tsabóid?

24Ná tugaigí breith de réir mar a fheictear ach tugaigí breith chóir.”

Cad as an Meisias?

25Dúirt cuid de mhuintir Iarúsailéim: “Nach hé seo an fear atá siad a iarraidh a chur chun báis?

26Agus féach é ag caint os comhair an tsaoil agus gan aon ní á rá acu leis. An amhlaidh le fírinne go bhfuil a fhios ag na huachtaráin gurb é an Críost é?

[27] Nós, todavia, sabemos donde este é; quando, porém, vier o Cristo, ninguém saberá donde ele é.

[28] Jesus, pois, enquanto ensinava no templo, clamou, dizendo: Vós não somente me conheceis, mas também sabeis donde eu sou; e não vim porque eu, de mim mesmo, o quisesse, mas aquele que me enviou é verdadeiro, aquele a quem vós não conheceis.

[29] Eu o conheço, porque venho da parte dele e fui por ele enviado.

[30] Então, procuravam prendê-lo; mas ninguém lhe pôs a mão, porque ainda não era chegada a sua hora.

[31] E, contudo, muitos de entre a multidão creram nele e diziam: Quando vier o Cristo, fará, porventura, maiores sinais do que este homem tem feito?

[32] Os fariseus, ouvindo a multidão murmurar estas coisas a respeito dele, juntamente com os principais sacerdotes enviaram guardas para o prenderem.

[33] Disse-lhes Jesus: Ainda por um pouco de tempo estou convosco e depois irei para junto daquele que me enviou.

[34] Haveis de procurar-me e não me achareis; também aonde eu estou, vós não podeis ir.

[35] Disseram, pois, os judeus uns aos outros: Para onde irá este que não o possamos achar? Irá, porventura, para a Dispersão entre os gregos, com o fim de os ensinar?

[27]Is eol dúinn áfach cad as dó seo; ach an Críost, nuair a thiocfaidh sé, ní eol d'aon duine cad as dó."

[28]Ghlaoigh Íosa ansin in ard a ghutha sa Teampall: "Tá aithne agaibh orm, más ea," ar sé, "agus is eol daoibh cad as dom; agus ní uaim féin a tháinig mé; ach is fíor é an té a chuir uaidh mé, agus níl aithne agaibhse air.

[29]Ach tá aithne agamsa air mar is uaidh a tháinig mé agus is eisean a chuir uaidh mé."

[30]Bhí siad ag iarraidh é a ghabháil, ach níor leag aon duine lámh air, mar ní raibh a uair tagtha fós.

Críost le hImeacht

[31]Bhí a lán den slua a chreid ann agus deiridís: "Nuair a thiocfaidh an Críost, an ndéanfaidh sé níos mó comharthaí ná mar a dhéanann an duine seo?"

[32]Chuala na Fairisínigh an slua ag monabhar faoi ar an gcuma sin, agus chuir na hardsagairt agus na Fairisínigh póilíní chun é a ghabhail.

[33]Dúirt Íosa leo dá bhrí sin: "Beidh mé faraibh tamall beag fós, ansin fillfidh mé ar an té a chuir uaidh mé.

[34]Beidh sibh ar mo lorg, ach ní bhfaighidh sibh mé, agus an áit ina bhfuilimse ní féidir daoibhse teacht ann."

[35]Dúirt na Giúdaigh eatarthu féin dá bhrí sin: "Cá bhfuil sé le dul agus nach bhfaighimid é? An bhfuil sé chun dul ag triall ar na deoraithe ar fud an domhain Ghréagaigh, agus na Gréagaigh a theagasc?

[36] Que significa, de fato, o que ele diz: Haveis de procurar-me e não me achareis; também aonde eu estou, vós não podeis ir?

Jesus, a fonte da água viva

[37] No último dia, o grande dia da festa, levantou-se Jesus e exclamou: Se alguém tem sede, venha a mim e beba.

[38] Quem crer em mim, como diz a Escritura, do seu interior fluirão rios de água viva.

[39] Isto ele disse com respeito ao Espírito que haviam de receber os que nele cressem; pois o Espírito até aquele momento não fora dado, porque Jesus não havia sido ainda glorificado.

[40] Então, os que dentre o povo tinham ouvido estas palavras diziam: Este é verdadeiramente o profeta;

[41] outros diziam: Ele é o Cristo; outros, porém, perguntavam: Porventura, o Cristo virá da Galiléia?

[42] Não diz a Escritura que o Cristo vem da descendência de Davi e da aldeia de Belém, donde era Davi?

[43] Assim, houve uma dissensão entre o povo por causa dele;

[44] alguns dentre eles queriam prendê-lo, mas ninguém lhe pôs as mãos.

Os guardas voltam sem Jesus

[45] Voltaram, pois, os guardas à presença dos principais sacerdotes e fariseus, e estes lhes perguntaram: Por que não o trouxestes?

[36]Cad í an chaint í seo a dúirt sé: ‘Beidh sibh ar mo lorg ach ní bhfaighidh sibh mé; agus an áit ina bhfuilimse, ní féidir daoibhse teacht ann’?”

An tUisce Beo

[37]Lá mór deireanach na féile sheas Íosa agus ghlaoigh in ard a ghutha: “Má tá tart ar aon duine,” ar sé, “tagadh sé chugamsa agus óladh sé!

[38]An té a chreideann ionamsa, faoi mar a deir an scrioptúr, rithfidh as a chroí istigh sruthanna d'uisce beo.”

[39]Dúirt sé an chaint sin ag tagairt don Spiorad a bhí le glacadh acu siúd a chreid ann. Óir ní raibh an Spiorad [bronnta] fós mar go raibh Íosa fós gan glóiriú.

[40]Cuid den slua, áfach, nuair a chuala siad na focail sin, deiridís: “Is é seo an fáidh gan amhras.”

[41]Deireadh tuilleadh acu: “Is é an Críost é seo,” ach deireadh cuid eile acu: “An as an nGailíl atá an Críost ag teacht?

[42]Nach ndeir an scrioptúr gur de shíol Dháiví, agus ó bhaile na Beithile, mar a raibh Dáiví, atá an Críost ag teacht?”

[43]D'éirigh aighneas ina thaobh dá réir sin i measc an tslua.

[44]Ba mhian le cuid acu é a ghabháil, ach níor chuir aon duine lámh ann.

[45]Tháinig na póilíní dá bhrí sin go dtí na hardsagairt agus na Fairisínigh agus dúirt siadsan leo: “Cad chuige nár thug sibh libh é?”

[46] Responderam eles: Jamais alguém falou como este homem.

[47] Replicaram-lhes, pois, os fariseus: Será que também vós fostes enganados?

[48] Porventura, creu nele alguém dentre as autoridades ou algum dos fariseus?

[49] Quanto a esta plebe que nada sabe da lei, é maldita.

[50] Nicodemos, um deles, que antes fora ter com Jesus, perguntou-lhes:

[51] Acaso, a nossa lei julga um homem, sem primeiro ouvi-lo e saber o que ele fez?

[52] Responderam eles: Dar-se-á o caso de que também tu és da Galiléia? Examina e verás que da Galiléia não se levanta profeta.

[53] [E cada um foi para sua casa.

João 8

A mulher adúltera

[1] Jesus, entretanto, foi para o monte das Oliveiras.

[2] De madrugada, voltou novamente para o templo, e todo o povo ia ter com ele; e, assentado, os ensinava.

[3] Os escribas e fariseus trouxeram à sua presença uma mulher surpreendida em adultério e, fazendo-a ficar de pé no meio de todos,

[4] disseram a Jesus: Mestre, esta mulher foi apanhada em flagrante adultério.

[5] E na lei nos mandou Moisés que tais mulheres sejam apedrejadas; tu, pois, que dizes?

[46]D'fhreagair na póilíní: “Níor labhair aon duine riamh mar a labhraíonn an duine seo.”

[47]D'fhreagair na Fairisínigh iad dá bhrí sin: “An féidir gur mealladh sibhse comh maith?

[48]Ar chreid aon duine de na huachtaráin nó de na Fairisínigh ann?

[49]Ach an slua seo nach eol dóibh an dlí, tá mallacht orthu.”

[50]Níocodaemas - an té a tháinig chuige roimhe sin agus gur dhuine acu é - dúirt sé leo:

[51]“An dtugann ár ndlí breith ar aon duine gan éisteacht a thabhairt dó ar dtús agus a fháil amach cad tá sé a dhéanamh?”

[52]D'fhreagair siad agus dúirt leis: “An amhlaidh is Gailíleach tusa chomh maith? Cuardaigh an scrioptúr agus féach nach n-éiríonn fáidh ón nGailíl.”

[53][Ansin chuaigh gach duine abhaile.

Eoin 8

An Bhean Adhaltranach

[1]Agus chuaigh Íosa go Cnoc na nOlóg.

[2]Bhí sé ar an bhfód arís sa Teampall go moch ar maidin, agus tháinig na daoine go léir chuige agus shuigh sé síos agus thosaigh ar iad a theagasc.

[3]Thug na scríobhaithe agus na Fairisínigh bean ar rugadh uirthi in adhaltranas agus chuir siad ina seasamh i lár baill í agus dúirt siad leis:

[4]“A mháistir, rugadh ar an mbean seo i gcoir féin an adhaltranais.

[5]D'ordaigh Maois dúinn sa dlí bás a imirt ar a leithéidí seo le clocha. Cad deir tú más ea?”

[6] Isto diziam eles tentando-o, para terem de que o acusar. Mas Jesus, inclinando-se, escrevia na terra com o dedo.

[7] Como insistissem na pergunta, Jesus se levantou e lhes disse: Aquele que dentre vós estiver sem pecado seja o primeiro que lhe atire pedra.

[8] E, tornando a inclinar-se, continuou a escrever no chão.

[9] Mas, ouvindo eles esta resposta e acusados pela própria consciência, foram-se retirando um por um, a começar pelos mais velhos até aos últimos, ficando só Jesus e a mulher no meio onde estava.

[10] Erguendo-se Jesus e não vendo a ninguém mais além da mulher, perguntou-lhe: Mulher, onde estão aqueles teus acusadores? Ninguém te condenou?

[11] Respondeu ela: Ninguém, SENHOR! Então, lhe disse Jesus: Nem eu tampouco te condeno; vai e não peques mais.]

Jesus, a luz do mundo

[12] De novo, lhes falava Jesus, dizendo: Eu sou a luz do mundo; quem me segue não andará nas trevas; pelo contrário, terá a luz da vida.

[13] Então, lhe objetaram os fariseus: Tu dás testemunho de ti mesmo; logo, o teu testemunho não é verdadeiro.

[14] Respondeu Jesus e disse-lhes: Posto que eu testifico de mim mesmo, o meu testemunho é verdadeiro, porque sei donde vim e para onde vou; mas vós não sabeis donde venho, nem para onde vou.

[6]Dúirt siad an chaint sin á phromhadh, chun go mbeadh rud éigin acu le cur ina leith. Ach chrom Íosa síos agus thosaigh sé ag scríobh lena mhéar ar an talamh.

[7]Ós rud é nach ndeachaigh aon stad orthu ach á cheistiú, d'éirigh sé suas agus dúirt leo: “An duine agaibh atá gan pheaca, bíodh sé ar an gcéad duine ag caitheamh clocha léi.”

[8]Agus chrom sé síos arís agus bhí ag scríobh ar an talamh.

[9]Arna chlos sin dóibh d'imigh siad leo ina nduine is ina nduine ag tosú leis na seanóirí, agus ag dul síos go dtí deireadh; agus fágadh Íosa ina aonar agus an bhean ina seasamh i lár baill.

[10]D'éirigh Íosa suas agus dúirt sé léi: “A bhean, cá bhfuil siad? Nár dhaor aon duine thú?”

[11]“Ní dhearna aon duine, a dhuine uasail,” ar sí. Dúirt Íosa léi: “Ná ní dhaoraimse thú ach oiread. Imigh leat agus ná déan peaca arís as seo amach.”]

Íosa Solas an tSaoil agus Mac Dé

[12]Labhair Íosa leo arís más ea: “Is mise,” ar sé, “solas an tsaoil. An té a leanfaidh mise, ní shiúlfaidh sé sa dorchacht, ach beidh aige solas na beatha.”

[13]Dúirt na Fairisínigh leis ansin: “Tá tú ag tabhairt fianaise i do thaobh féin; níl d'fhianaise iontaofa.”

[14]D'fhreagair Íosa: “Cé go bhfuil mé ag tabhairt fianaise i mo thaobh féin, is iontaofa í m'fhianaise, óir is eol dom cad as ar tháinig mé agus cá bhfuil mo thriall. Ach ní eol daoibhse cad as ar tháinig mé nó cá bhfuil mo thriall.

[15] Vós julgais segundo a carne, eu a ninguém julgo.
[16] Se eu julgo, o meu juízo é verdadeiro, porque não sou eu só, porém eu e aquele que me enviou.
[17] Também na vossa lei está escrito que o testemunho de duas pessoas é verdadeiro.
[18] Eu testifico de mim mesmo, e o Pai, que me enviou, também testifica de mim.
[19] Então, eles lhe perguntaram: Onde está teu Pai? Respondeu Jesus: Não me conheceis a mim nem a meu Pai; se conhecêsseis a mim, também conheceríeis a meu Pai.
[20] Proferiu ele estas palavras no lugar do gazofilácio, quando ensinava no templo; e ninguém o prendeu, porque não era ainda chegada a sua hora.

Jesus defende a sua missão e autoridade

[21] De outra feita, lhes falou, dizendo: Vou retirar-me, e vós me procurareis, mas perecereis no vosso pecado; para onde eu vou vós não podeis ir.
[22] Então, diziam os judeus: Terá ele, acaso, a intenção de suicidar-se? Porque diz: Para onde eu vou vós não podeis ir.
[23] E prosseguiu: Vós sois cá de baixo, eu sou lá de cima; vós sois deste mundo, eu deste mundo não sou.
[24] Por isso, eu vos disse que morrereis nos vossos pecados; porque, se não crerdes que EU SOU, morrereis nos vossos pecados.

[15]Tugann sibhse breith de réir na colainne; ní thugaimse breith ar aon duine.
[16]Má thugaimse breith, is cóir í mo bhreith, óir ní i m'aonar atáim, ach mé féin agus an tAthair a chuir uaidh mé.
[17]Agus tá sé scríofa in bhur ndlí go bhfuil fianaise beirte iontaofa.
[18]Tugaimse fianaise i mo thaobh féin, agus tugann an tAthair a chuir uaidh mé fianaise i mo thaobh."
[19]Dúirt siad leis ansin: "Cá bhfuil d'Athair?" D'fhreagair Íosa: "Níl aithne agaibh ormsa ná ar m'Athair. Dá mbeadh aithne agaibh ormsa, bheadh aithne agaibh ar m'Athair chomh maith."
[20]Labhair sé na focail seo taobh leis an gciste agus é ag teagasc sa Teampall. Níor leag aon duine lámh air, mar ní raibh a uair tagtha fós.
[21]Dúirt Íosa leo arís: "Tá mé ag imeacht agus beidh sibh ar mo lorg, agus gheobhaidh sibh bás in bhur bpeaca. An áit ina bhfuilim ag dul, ní féidir daoibhse teacht."
[22]Chrom na Giúdaigh dá bhrí sin ar á rá: "An amhlaidh go maróidh sé é féin ós rud é go ndúirt sé: 'An áit ina bhfuilimse ag dul, ní féidir daoibhse teacht ann'?"
[23]Lean sé air: "Is ón áit thíos sibhse," ar sé leo, "is ón áit thuas mise. Is den saol seo sibhse, ní den saol seo mise.
[24]Uime sin a dúirt mé libh: 'Gheobhaidh sibh bás in bhur bpeacaí.' Mura gcreideann sibh gur mise é, Gheobhaidh sibh bás in bhur bpeacaí."

[25] Então, lhe perguntaram: Quem és tu? Respondeu-lhes Jesus: Que é que desde o princípio vos tenho dito?

[26] Muitas coisas tenho para dizer a vosso respeito e vos julgar; porém aquele que me enviou é verdadeiro, de modo que as coisas que dele tenho ouvido, essas digo ao mundo.

[27] Eles, porém, não atinaram que lhes falava do Pai.

[28] Disse-lhes, pois, Jesus: Quando levantardes o Filho do Homem, então, sabereis que EU SOU e que nada faço por mim mesmo; mas falo como o Pai me ensinou.

[29] E aquele que me enviou está comigo, não me deixou só, porque eu faço sempre o que lhe agrada.

[30] Ditas estas coisas, muitos creram nele.

[31] Disse, pois, Jesus aos judeus que haviam crido nele: Se vós permanecerdes na minha palavra, sois verdadeiramente meus discípulos;

[32] e conhecereis a verdade, e a verdade vos libertará.

[33] Responderam-lhe: Somos descendência de Abraão e jamais fomos escravos de alguém; como dizes tu: Sereis livres?

[34] Replicou-lhes Jesus: Em verdade, em verdade vos digo: todo o que comete pecado é escravo do pecado.

[35] O escravo não fica sempre na casa; o filho, sim, para sempre.

[36] Se, pois, o Filho vos libertar, verdadeiramente sereis livres.

[25]Dúirt siad leis ansin: "Cé hé thú féin?" Dúirt Íosa leo: "Cén fáth a bhfuilim ag caint libh ar aon chor?

[26]Tá a lán agam le rá agus le cáineadh agam in bhur dtaobh. Ach is fíor é an té a chuir uaidh mé agus na nithe a chuala mé uaidh is iad a labhraím sa saol."

[27]Níor thuig siad go raibh sé ag tagairt don Athair sa chaint sin leo. Dúirt Íosa leo ansin:

[28]"Nuair a thógfaidh sibh in airde Mac an Duine, ansin beidh a fhios agaibh gur mise é, agus nach ndéanaim aon ní uaim féin, ach gur mar a theagasc an tAthair dom a labhraím na nithe seo.

[29]An té a chuir uaidh mé, tá sé in éineacht liom. Níor fhág sé i m'aonar mé, óir déanaim i gcónaí na nithe is taitneamhach leis."

[30]Chreid a lán ann agus na nithe sin á rá aige.

[31]Ansin dúirt Íosa leis na Giúdaigh a chreid ann: "Má fhanann sibh ar mo bhriathar, beidh sibh in bhur ndeisceabail agam dáiríre,

[32]agus beidh fios na fírinne agaibh, agus saorfaidh an fhírinne sibh."

[33]D'fhreagair siad é: "De shíol Abrahám sinne é, agus ní rabhamar inár ndaoir ag aon duine riamh. Conas go ndeir tú: 'Saorfar sibh'?" D'fhreagair Íosa iad:

[34]"Amen, Amen, a deirim libh, gach duine a dhéanann peaca, tá sé in a dhaor ag an bpeaca.

[35]Ní fhanann an daor sa teach de shíor, ach fanann an mac de shíor.

[36]Má shaorann an mac sibh dá bhrí sin beidh sibh saor dáiríre.

[37] Bem sei que sois descendência de Abraão; contudo, procurais matar-me, porque a minha palavra não está em vós.

[38] Eu falo das coisas que vi junto de meu Pai; vós, porém, fazeis o que vistes em vosso pai.

[39] Então, lhe responderam: Nosso pai é Abraão. Disse-lhes Jesus: Se sois filhos de Abraão, praticai as obras de Abraão.

[40] Mas agora procurais matar-me, a mim que vos tenho falado a verdade que ouvi de Deus; assim não procedeu Abraão.

[41] Vós fazeis as obras de vosso pai. Disseram-lhe eles: Nós não somos bastardos; temos um pai, que é Deus.

[42] Replicou-lhes Jesus: Se Deus fosse, de fato, vosso pai, certamente, me havíeis de amar; porque eu vim de Deus e aqui estou; pois não vim de mim mesmo, mas ele me enviou.

[43] Qual a razão por que não compreendeis a minha linguagem? É porque sois incapazes de ouvir a minha palavra.

[44] Vós sois do diabo, que é vosso pai, e quereis satisfazer-lhe os desejos. Ele foi homicida desde o princípio e jamais se firmou na verdade, porque nele não há verdade. Quando ele profere mentira, fala do que lhe é próprio, porque é mentiroso e pai da mentira.

[45] Mas, porque eu digo a verdade, não me credes.

[37]Tá a fhios agam gur de shíol Abrahám sibh, ach tá sibh ag iarraidh mise a mharú, mar ní fhaigheann mo bhriathar slí ionaibh.

[38]Insím daoibhse na nithe a chonaic mé fara m'Athair. Ach déanann sibhse na nithe a chuala sibh ó bhur n-athair."

[39]D'fhreagaír siad agus dúirt leis: "Is é Abrahám ár n-athair." Dúirt Íosa leo: "Más clann d'Abrahám sibh, déanaigí mar a rinne Abrahám.

[40]Ach anois tá sibh ag iarraidh mise a mharú, duine a labhair an fhírinne libh, faoi mar a chuala í ó m'Athair. Ní dhearna Abrahám é sin.

[41]Déanann sibhse obair bhur n-athar féin." Dúirt siad leis: "Níor gineadh sinne ó dhrúis. Aon athair amháin atá againn, Dia."

[42]Dúirt Íosa leo: "Dá mba é Dia bhur nAthair, bheadh grá agaibh domsa. Óir is ó Dhia a ghluais mé agus a tháinig mé; mar ní uaim féin a tháinig mé, ach chuir seisean uaidh mé.

[43]Cén fáth nach dtuigeann sibh mo chaint? De bhrí nach féidir daoibh mo bhriathar a chlos.

[44]Is ón diabhal, mar athair, sibhse agus is iad mianta bhur n-athar a theastaíonn uaibh a dhéanamh. Ba dhúnmharfóir é siúd ó thús, agus níor sheas sé san fhírinne, mar níl aon fhírinne ann. Nuair a labhraíonn sé an bhréag labhraíonn sé as a stór féin, mar is bréagaire é agus is é athair an bhréagaire é.

[45]Ach de bhrí go labhraímse an fhírinne, ní chreideann sibhse mé.

[46] Quem dentre vós me convence de pecado? Se vos digo a verdade, por que razão não me credes?

[46]Cén duine agaibh a dhéanfaidh mé a chiontú in éagóir? Má labhraím an fhírinne, cén fáth nach gcreideann sibh mé?

[47] Quem é de Deus ouve as palavras de Deus; por isso, não me dais ouvidos, porque não sois de Deus.

[47]An té is ó Dhia, éisteann sé le briathra Dé. Is é fáth nach n-éisteann sibhse, de bhrí nach ó Dhia sibh."

[48] Responderam, pois, os judeus e lhe disseram: Porventura, não temos razão em dizer que és samaritano e tens demônio?

[48]D'fhreagair na Giúdaigh agus dúirt siad leis: "Nach bhfuil an ceart againn nuair a deirimid gur Samárach thú agus go bhfuil deamhan ionat?" D'fhreagair Íosa:

[49] Replicou Jesus: Eu não tenho demônio; pelo contrário, honro a meu Pai, e vós me desonrais.

[49]"Níl aon deamhan ionam, ach tugaim onóir do m'Athair agus tugann sibhse easonóir dom.

[50] Eu não procuro a minha própria glória; há quem a busque e julgue.

[50]Ní ag lorg mo ghlóire féin atáim; tá Neach a lorgaíonn m'onóir agus a thugann breith.

[51] Em verdade, em verdade vos digo: se alguém guardar a minha palavra, não verá a morte, eternamente.

[51]Amen, Amen, a deírim libh, má choinníonn aon duine mo bhriatharsa ní fheicfidh sé bás choíche."

[52] Disseram-lhe os judeus: Agora, estamos certos de que tens demônio. Abraão morreu, e também os profetas, e tu dizes: Se alguém guardar a minha palavra, não provará a morte, eternamente.

[52]Dúirt na Giúdaigh leis: "Tá a fhios againn anois go bhfuil deamhan ionat. Tá Abrahám marbh agus na fáithe agus deir tusa: 'Má choinníonn aon duine mo bhriatharsa, ní bhlaisfidh sé bás choíche.'

[53] És maior do que Abraão, o nosso pai, que morreu? Também os profetas morreram. Quem, pois, te fazes ser?

[53]An ea gur mó thusa ná ár n-athair Abrahám atá marbh? Agus na fáithe freisin, tá siad marbh. Cé tá tú a dhéanamh díot féin?"

[54] Respondeu Jesus: Se eu me glorifico a mim mesmo, a minha glória nada é; quem me glorifica é meu Pai, o qual vós dizeis que é vosso Deus.

[54]D'fhreagair Íosa: "Dá mbeinn féin do mo ghlóiriú féin, ba neamhní mo ghlóir. Is é m'Athair a dhéanann mé a ghloiriú, an té a ndeir sibhse mar gheall air: 'Is é ár nDia é.'

[55] Entretanto, vós não o tendes conhecido; eu, porém, o conheço. Se eu disser que não o conheço, serei como vós: mentiroso; mas eu o conheço e guardo a sua palavra.

[55]Ach níl aithne agaibh air. Tá aithne agamsa air, áfach. Dá ndéarfainn: 'Níl aithne agam air, ' bheinn cosúil libhse, bréagach. Ach tá aithne agam air, agus coinním a bhriathar.

[56] Abraão, vosso pai, alegrou-se por ver o meu dia, viu-o e regozijou-se.

[56]Rinne Abrahám bhur n-athair lúcháir go bhfeicfeadh sé mo lá-sa. Chonaic, agus bhí áthas air."

[57] Perguntaram-lhe, pois, os judeus: Ainda não tens cinqüenta anos e viste Abraão?

[57]Ansin dúirt na Giúdaigh leis: "Níl tú caoga bliain d'aois fós agus an bhfaca tú Abrahám?"

[58] Respondeu-lhes Jesus: Em verdade, em verdade eu vos digo: antes que Abraão existisse, EU SOU.

[58]Dúirt Íosa leo: "Amen, Amen, a deirim libh, sula raibh Abrahám ann, táimse ann."

[59] Então, pegaram em pedras para atirarem nele; mas Jesus se ocultou e saiu do templo.

[59]Mar sin, thóg siad suas clocha le caitheamh leis, ach d'fholaigh Íosa é féin agus d'imigh amach as an Teampall.

João 9

A cura de um cego de nascença

[1] Caminhando Jesus, viu um homem cego de nascença.

[2] E os seus discípulos perguntaram: Mestre, quem pecou, este ou seus pais, para que nascesse cego?

[3] Respondeu Jesus: Nem ele pecou, nem seus pais; mas foi para que se manifestem nele as obras de Deus.

[4] É necessário que façamos as obras daquele que me enviou, enquanto é dia; a noite vem, quando ninguém pode trabalhar.

[5] Enquanto estou no mundo, sou a luz do mundo.

[6] Dito isso, cuspiu na terra e, tendo feito lodo com a saliva, aplicou-o aos olhos do cego,

[7] dizendo-lhe: Vai, lava-te no tanque de Siloé (que quer dizer Enviado). Ele foi, lavou-se e voltou vendo.

[8] Então, os vizinhos e os que dantes o conheciam de vista, como mendigo,

Eoin 9

Dall á Leigheas

[1]Agus ag gabháil na slí dó, chonaic sé duine a bhí dall ón mbroinn.

[2]D'fhiafraigh a dheisceabail de: "A raibí," ar siad, "cé acu a rinne an peaca, é seo nó a thuismitheoirí á rá is gur rugadh ina dhall é?"

[3]D'fhreagair Íosa: "Ní amhlaidh a pheacaigh sé seo ná a thuismitheoírí; tharla seo chun go dtaispeánfaí oibreacha Dé ann.

[4]Fad tá an lá ann, ní mór dúinn oibreacha an té a chuir uaidh mé a dhéanamh; tá an oíche ag teacht nuair nach féidir d'aon duine obair a dhéanamh.

[5]An fad atáim ar an saol is mé solas an tsaoil."

[6]Arna rá sin dó, chaith sé seile ar an talamh agus rinne sé láib den tseile agus chuir sé an láib ar shúile an daill

[7]agus dúirt sé leis: "Imigh agus nigh i Linn Siolóam" - is é sin le rá, Seolta. D'imigh sé, nigh é féin agus d'fhill agus a radharc aige.

[8]Dúirt a chomharsana ansin, agus an dream a chonaic é roimhe sin, ag iarraidh déirce:

perguntavam: Não é este o que estava assentado pedindo esmolas?

9 Uns diziam: É ele. Outros: Não, mas se parece com ele. Ele mesmo, porém, dizia: Sou eu.

10 Perguntaram-lhe, pois: Como te foram abertos os olhos?

11 Respondeu ele: O homem chamado Jesus fez lodo, untou-me os olhos e disse-me: Vai ao tanque de Siloé e lava-te. Então, fui, lavei-me e estou vendo.

12 Disseram-lhe, pois: Onde está ele? Respondeu: Não sei.

Os fariseus interrogam o cego

13 Levaram, pois, aos fariseus o que dantes fora cego.

14 E era sábado o dia em que Jesus fez o lodo e lhe abriu os olhos.

15 Então, os fariseus, por sua vez, lhe perguntaram como chegara a ver; ao que lhes respondeu: Aplicou lodo aos meus olhos, lavei-me e estou vendo.

16 Por isso, alguns dos fariseus diziam: Esse homem não é de Deus, porque não guarda o sábado. Diziam outros: Como pode um homem pecador fazer tamanhos sinais? E houve dissensão entre eles.

17 De novo, perguntaram ao cego: Que dizes tu a respeito dele, visto que te abriu os olhos? Que é profeta, respondeu ele.

18 Não acreditaram os judeus que ele fora cego e que agora via, enquanto não lhe chamaram os pais

"Nach é seo an té a bhíodh ina shuí ag lorg déirce?" Dúirt daoine: "Is é."

9Dúirt daoine eile: "Ní hé, ach is cosúil leis é." Dúirt sé féin: "Is mé é."

10Dúirt siad leis ansin: "Conas a osclaíodh do shúile mar sin?"

11D'fhreagair sé: "An fear sin ar a dtugtar Íosa, rinne sé láib agus smear sé ar mo shúile í, agus dúirt liom: 'Imigh go Linn Siolóam agus nigh.' D'imigh mé dá réir sin, nigh mé, agus tháinig mo radharc dom."

12D'fhiafraigh siad: "Cá bhfuil sé?" "Níl a fhios agam," ar sé.

13Thug siad chun na bhFairisíneach an té seo a bhí dall tráth.

14Ba é an tsabóid é an lá a rinne Íosa an láib agus a d'oscail sé súile an duine.

15D'fhiafraigh na Fairisínigh de arís mar sin conas a fuair sé a radharc. Dúirt sé leo: "Chuir sé láib ar mo shúile, nigh mé agus tá mo radharc agam."

16Dúirt cuid de na Fairisínigh ansin: "Ní ó Dhia an duine seo mar ní choinníonn sé an tsabóid." Dúirt cuid eile: "Conas is féidir duine peacúil a dhéanamh míorúiltí mar iad seo?" Agus bhí aighneas eatarthu.

17Dúirt siad arís leis an dall dá bhrí sin: "Cad deir tusa mar gheall air ó d'oscail sé do shúile?" D'fhreagair sé: "Fáidh is ea é."

18Ansin ní chreidfeadh na Giúdaigh go raibh sé dall agus go bhfuair sé a radharc nó gur ghlaoigh siad ar athair agus ar mháthair an té a fuair a radharc

[19] e os interrogaram: É este o vosso filho, de quem dizeis que nasceu cego? Como, pois, vê agora?

[20] Então, os pais responderam: Sabemos que este é nosso filho e que nasceu cego;

[21] mas não sabemos como vê agora; ou quem lhe abriu os olhos também não sabemos. Perguntai a ele, idade tem; falará de si mesmo.

[22] Isto disseram seus pais porque estavam com medo dos judeus; pois estes já haviam assentado que, se alguém confessasse ser Jesus o Cristo, fosse expulso da sinagoga.

[23] Por isso, é que disseram os pais: Ele idade tem, interrogai-o.

[24] Então, chamaram, pela segunda vez, o homem que fora cego e lhe disseram: Dá glória a Deus; nós sabemos que esse homem é pecador.

[25] Ele retrucou: Se é pecador, não sei; uma coisa sei: eu era cego e agora vejo.

[26] Perguntaram-lhe, pois: Que te fez ele? como te abriu os olhos?

[27] Ele lhes respondeu: Já vo-lo disse, e não atendestes; por que quereis ouvir outra vez? Porventura, quereis vós também tornar-vos seus discípulos?

[28] Então, o injuriaram e lhe disseram: Discípulo dele és tu; mas nós somos discípulos de Moisés.

[19]agus gur cheistigh siad iad: “An é seo bhur mac a deir sibh a rugadh ina dhall?” ar siad. “Conas go bhfuil radharc anois aige, mar sin?”

[20]D'fhreagair a thuismitheoirí: “Is eol dúinn,” ar siad, “gurb é ár mac é, agus gur dall a rugadh é.

[21]Ach conas go bhfuil radharc anois aige, ní eol dúinne, ná cé a d'oscail a shúile ní eol dúinne. Cuirigí ceist air féin; tá sé in aois fir; labhróidh sé ar a shon féin.”

[22]Labhair a thuismitheoirí mar sin mar bhí eagla na nGiúdach orthu. Óir bhí sé socair cheana ag na Giúdaigh aon duine a d'admhódh gurbh é an Críost é a dhíbirt as an tsionagóg.

[23]Mar gheall air sin is ea a dúirt a thuismitheoirí: “Tá sé in aois fir; cuirigí ceist air féin.”

[24]Ansin ghlaoigh siad arís ar an duine a rugadh ina dhall, agus dúirt siad leis: “Tabhair glóir do Dhia! Tá a fhios againne gur peacach an duine sin.”

[25]D'fhreagair seisean iad ansin: “Más peacach é - níl a fhios agam; tá a fhios agam aon ní amháin, go raibh mé i mo dhall ach anois go bhfuil radharc agam.”

[26]Dúirt siad leis ansin arís: “Cad a rinne sé leat? Conas a d'oscail sé do shúile?”

[27]D'fhreagair sé iad: “D'inis mé cheana daoibh é, agus ní éistfeadh sibh; cad ab áil libh á chloisteáil arís? An amhlaidh gur mian libhse a bheith in bhur ndeisceabail aige chomh maith?”

[28]Chaith siad asacháin leis ansin agus dúirt: “Bí-se i do dheisceabal aige siúd, ach is deisceabail do Mhaois sinne.

[29] Sabemos que Deus falou a Moisés; mas este nem sabemos donde é.

[29]Tá a fhios againn gur labhair Dia le Maois; ach an fear seo, ní fios dúinn cad as ar tháinig sé."

[30] Respondeu-lhes o homem: Nisto é de estranhar que vós não saibais donde ele é, e, contudo, me abriu os olhos.

[30]D'fhreagair an fear: "Is iontach an rud é go deimhin," ar sé leo, "nach bhfuil a fhios agaibh cad as dó, agus gur oscail sé mo shúile domsa.

[31] Sabemos que Deus não atende a pecadores; mas, pelo contrário, se alguém teme a Deus e pratica a sua vontade, a este atende.

[31]Tá a fhios againn nach n-éisteann Dia le peacaigh, ach cibé ar a bhfuil eagla Dé agus a dhéanann a thoil, éisteann sé leis sin.

[32] Desde que há mundo, jamais se ouviu que alguém tenha aberto os olhos a um cego de nascença.

[32]Níor chualathas riamh ó thús an domhain gur oscail aon duine súile duine a rugadh ina dhall.

[33] Se este homem não fosse de Deus, nada poderia ter feito.

[33]Mura mbeadh gur ó Dhia an duine seo, níorbh fhéidir leis aon ní a dhéanamh."

[34] Mas eles retrucaram: Tu és nascido todo em pecado e nos ensinas a nós? E o expulsaram.

[34]D'fhreagair siad agus dúirt leis: "I bpeacaí a rugadh thusa ar fad, agus an dár dteagasc-na atá tú?" Agus chaith siad amach é.

Jesus revela-se ao cego

[35] Ouvindo Jesus que o tinham expulsado, encontrando-o, lhe perguntou: Crês tu no Filho do Homem?

[35]Chuala Íosa gur chaith siad amach é, agus nuair a fuair sé é dúirt sé leis: "An gcreideann tú i Mac an Duine?"

[36] Ele respondeu e disse: Quem é, SENHOR, para que eu nele creia?

[36]D'fhreagair seisean: "Cé hé féin, a thiarna?" - ar sé leis - "chun go gcreidfinn ann."

[37] E Jesus lhe disse: Já o tens visto, e é o que fala contigo.

[37]Dúirt Íosa leis: "Tá sé feicthe agat, agus an té atá ag caint leat is é é."

[38] Então, afirmou ele: Creio, SENHOR; e o adorou.

[38]Dúirt seisean: "Creidim, a Thiarna," agus rinne sé ómós dó.

[39] Prosseguiu Jesus: Eu vim a este mundo para juízo, a fim de que os que não vêem vejam, e os que vêem se tornem cegos.

[39]Dúirt Íosa: "Is chun breithiúnais a tháinig mé ar an saol seo, i dtreo go bhfeicfeadh an dream nach bhfeiceann, agus go ndallfaí an dream a fheiceann."

[40] Alguns dentre os fariseus que estavam perto dele perguntaram-lhe: Acaso, também nós somos cegos?

[40]Chuala cuid de na Fairisínigh a bhí ina fhochair na focail sin agus dúirt siad leis: "Ní amhlaidh, ar ndóigh, atáimidne dall chomh maith?"

[41] Respondeu-lhes Jesus: Se fôsseis cegos, não teríeis pecado algum; mas, porque agora dizeis: Nós vemos, subsiste o vosso pecado.

João 10

Jesus, o bom pastor

[1] Em verdade, em verdade vos digo: o que não entra pela porta no aprisco das ovelhas, mas sobe por outra parte, esse é ladrão e salteador.

[2] Aquele, porém, que entra pela porta, esse é o pastor das ovelhas.

[3] Para este o porteiro abre, as ovelhas ouvem a sua voz, ele chama pelo nome as suas próprias ovelhas e as conduz para fora.

[4] Depois de fazer sair todas as que lhe pertencem, vai adiante delas, e elas o seguem, porque lhe reconhecem a voz;

[5] mas de modo nenhum seguirão o estranho; antes, fugirão dele, porque não conhecem a voz dos estranhos.

[6] Jesus lhes propôs esta parábola, mas eles não compreenderam o sentido daquilo que lhes falava.

[7] Jesus, pois, lhes afirmou de novo: Em verdade, em verdade vos digo: eu sou a porta das ovelhas.

[8] Todos quantos vieram antes de mim são ladrões e salteadores; mas as ovelhas não lhes deram ouvido.

[9] Eu sou a porta. Se alguém entrar por mim, será salvo; entrará, e sairá, e achará pastagem.

[41]Dúirt Íosa leo: “Dá mbeadh sibh dall, ní bheadh peaca oraibh, ach anois deir sibh: ‘Tá radharc againn, ’ agus leanann bhur bpeaca oraibh.”

Eoin 10

An Sáraoire

[1]“Amen, Amen, a deirim libh, an té nach dtéann an doras isteach i gcró na gcaorach, ach a théann a mhalairt de bhealach isteach, is bithiúnach é sin agus robálaí.

[2]An té a thagann an doras isteach, sin é aoire na gcaorach.

[3]Osclaíonn an doirseoir dó seo agus éisteann na caoirigh lena ghuth, agus glaonn sé ar a chaoirigh féin as a n-ainm, agus seolann amach iad.

[4]Nuair a bhíonn a chaoirigh uile seolta amach aige, téann sé rompu agus leanann a chaoirigh é, mar aithníonn siad a ghuth.

[5]Ní baol go leanfadh siad coimhthíoch, ach teithfidh siad uaidh mar nach n-aithníonn siad guth na gcoimhthíoch.”

[6]Labhair Íosa an tsolaoid sin leo, ach níor thuig siadsan cad a bhí á rá aige leo.

[7]Ansin dúirt Íosa leo arís: “Amen, Amen, a deirim libh, Mise doras na gcaorach.

[8]Gach ar tháinig romham, bithiúnaigh a ba ea iad agus robálaithe, agus níor éist na caoirigh leo.

[9]Mise an doras. Más tríomsa a rachaidh duine isteach, slánófar é. Rachaidh sé isteach is rachaidh sé amach agus gheobhaidh sé féarach.

[10] O ladrão vem somente para roubar, matar e destruir; eu vim para que tenham vida e a tenham em abundância.

[10]Ní thagann an bithiúnach ach chun bheith ag goid, ag marú agus ag milleadh. Tháinig mise chun go mbeadh an bheatha acu agus go mbeadh sí acu go fial.

[11] Eu sou o bom pastor. O bom pastor dá a vida pelas ovelhas.

[11]Mise an sáraoire, Tugann an sáraoire a bheatha ar son a chaorach.

[12] O mercenário, que não é pastor, a quem não pertencem as ovelhas, vê vir o lobo, abandona as ovelhas e foge; então, o lobo as arrebata e dispersa.

[12]An fostúch, nach bhfuil ina aoire, agus nach leis féin na caoirigh, feiceann sé an mac tíre ag teacht, agus fágann na caoirigh agus teitheann, agus fuadaíonn an mac tíre iad agus scaipeann.

[13] O mercenário foge, porque é mercenário e não tem cuidado com as ovelhas.

[13][Teitheann sé] de bhrí gur fostúch é, agus gur cuma leis mar gheall ar na caoirigh.

[14] Eu sou o bom pastor; conheço as minhas ovelhas, e elas me conhecem a mim,

[14]Ach is mise an sáraoire, agus aithním mo chuid féin, agus aithníonn mo chuid féin mé,

[15] assim como o Pai me conhece a mim, e eu conheço o Pai; e dou a minha vida pelas ovelhas.

[15]faoi mar a aithníonn an tAthair mé, agus mar a aithnímse an tAthair. Agus tugaim mo bheatha ar son mo chaorach.

[16] Ainda tenho outras ovelhas, não deste aprisco; a mim me convém conduzi-las; elas ouvirão a minha voz; então, haverá um rebanho e um pastor.

[16]Tá caoirigh eile agam chomh maith, nach den chró seo iad. Ní foláir dom iad sin a thabhairt chomh maith, agus éistfidh siad le mo ghlór, agus beidh aon tréad amháin ann, agus aon aoire amháin.

[17] Por isso, o Pai me ama, porque eu dou a minha vida para a reassumir.

[17]Mar gheall air seo atá grá ag an Athair dom mar go bhfuilim ag tabhairt mo bheatha uaim, chun go nglacfainn chugam arís í.

[18] Ninguém a tira de mim; pelo contrário, eu espontaneamente a dou. Tenho autoridade para a entregar e também para reavê-la. Este mandato recebi de meu Pai.

[18]Níl aon duine á tógáil uaim; is uaim féin a thugaim uaim í, agus tá sé ar mo chumas í a thabhairt uaim agus tá sé ar mo chumas í a ghabháil chugam arís. Sin í an aithne a fuair mé ó m'Athair."

Nova dissensão entre os judeus

[19] Por causa dessas palavras, rompeu nova dissensão entre os judeus.

[19]D'éirigh aighneas arís idir na Giúdaigh mar gheall ar na briathra sin.

[20] Muitos deles diziam: Ele tem demônio e enlouqueceu; por que o ouvis?

[20]Dúirt a lán acu: "Tá deamhan ann agus tá sé as a mheabhair. Cad a ba áil libh a bheith ag éisteacht leis?"

[21] Outros diziam: Este modo de falar não é de endemoninhado; pode, porventura, um demônio abrir os olhos aos cegos?

A Festa da Dedicação. Jesus é interrogado

[22] Celebrava-se em Jerusalém a Festa da Dedicação. Era inverno.

[23] Jesus passeava no templo, no Pórtico de Salomão.

[24] Rodearam-no, pois, os judeus e o interpelaram: Até quando nos deixarás a mente em suspenso? Se tu és o Cristo, dize-o francamente.

[25] Respondeu-lhes Jesus: Já vo-lo disse, e não credes. As obras que eu faço em nome de meu Pai testificam a meu respeito.

[26] Mas vós não credes, porque não sois das minhas ovelhas.

[27] As minhas ovelhas ouvem a minha voz; eu as conheço, e elas me seguem.

[28] Eu lhes dou a vida eterna; jamais perecerão, e ninguém as arrebatará da minha mão.

[29] Aquilo que meu Pai me deu é maior do que tudo; e da mão do Pai ninguém pode arrebatar.

[30] Eu e o Pai somos um.

[31] Novamente, pegaram os judeus em pedras para lhe atirar.

[32] Disse-lhes Jesus: Tenho-vos mostrado muitas obras boas da parte do Pai; por qual delas me apedrejais?

[33] Responderam-lhe os judeus: Não é por obra boa que te apedrejamos, e sim por

[21]Dúirt cuid eile: "Ní focail deamhnaigh na focail seo. An féidir le deamhan súile na ndall a oscailt?"

Féile na Toirbhearta

[22]Bhí féile na Toirbhearta in Iarúsailéim agus ba é an geimhreadh é.

[23]Agus bhí Íosa ag siúl timpeall sa Teampall i bpóirse Sholaimh.

[24]Chruinnigh na Giúdaigh ina thimpeall agus dúirt siad leis: "An fada a bheimid dár gcoinneáil ar bís agat? Más tú an Críost inis dúinn é os comhair an tsaoil."

[25]D'fhreagair Íosa iad: "D'inis mé daoibh, ach ní chreideann sibh. Na hoibreacha a dhéanaim in ainm m'Athar, tugann siad fianaise i mo thaobh.

[26]Ach ní chreideann sibhse, mar ní de mo chaoirigh sibh.

[27]Éisteann mo chaoirigh le mo ghlór, agus aithním iad, agus leanann siad mé.

[28]Tá an bheatha shíoraí agam á tabhairt dóibh, agus ní chaillfear go deo iad, ná ní fhuadóidh aon duine as mo láimh iad.

[29]M'Athair a thug dom iad, is mó é ná cách, agus ní féidir d'aon duine fuadach ó láimh m'Athar.

[30]Is aon mise agus an tAthair."

[31]Ansin thóg na Giúdaigh clocha le caitheamh leis.

[32]D'fhreagair Íosa iad: "Tá a lán oibreacha fónta taispeánta agam daoibh ó m'Athair. Cé acu obair díobh a bhfuil sibh ag gabháil de chlocha ionam mar gheall uirthi?"

[33]D'fhreagair na Giúdaigh é: "Ní mar gheall ar obair fhónta atáimid ag gabháil de chlocha ionat, ach mar gheall ar dhiamhasla, agus go

causa da blasfêmia, pois, sendo tu homem, te fazes Deus a ti mesmo.

34 Replicou-lhes Jesus: Não está escrito na vossa lei: Eu disse: sois deuses?

35 Se ele chamou deuses àqueles a quem foi dirigida a palavra de Deus, e a Escritura não pode falhar,

36 então, daquele a quem o Pai santificou e enviou ao mundo, dizeis: Tu blasfemas; porque declarei: sou Filho de Deus?

37 Se não faço as obras de meu Pai, não me acrediteis;

38 mas, se faço, e não me credes, crede nas obras; para que possais saber e compreender que o Pai está em mim, e eu estou no Pai.

39 Nesse ponto, procuravam, outra vez, prendê-lo; mas ele se livrou das suas mãos.

40 Novamente, se retirou para além do Jordão, para o lugar onde João batizava no princípio; e ali permaneceu.

41 E iam muitos ter com ele e diziam: Realmente, João não fez nenhum sinal, porém tudo quanto disse a respeito deste era verdade.

42 E muitos ali creram nele.

João 11

A ressurreição de Lázaro

1 Estava enfermo Lázaro, de Betânia, da aldeia de Maria e de sua irmã Marta.

2 Esta Maria, cujo irmão Lázaro estava enfermo, era a mesma que ungiu com bálsamo o SENHOR e lhe enxugou os pés com os seus cabelos.

ndéanann tú Dia díot féin agus gan ionat ach duine."

34D'fhreagair Íosa iad: "Nach bhfuil sé scríofa in bhur ndlí, 'Dúirt mé: Is déithe sibh'?

35Má thug sé déithe orthu siúd ar labhraíodh briathar Dé leo, agus nach féidir an scrioptúr a chur ar neamhní,

36an té a naomhaigh an tAthair, agus a chuir sé uaidh sa saol, an ndeir sibhse leis: 'Sin diamhasla agat! ' mar gur dhúirt mé: 'Is mé Mac Dé'?

37Mura ndéanaim oibreacha m'Athar, ná creidigí mé.

38Ach má dhéanaim, fiú amháin mura gcreideann sibh mé, creidigí sna hoibreacha, i dtreo go mbeadh a fhios agaibh, agus go dtuigfeadh sibh, go bhfuil an tAthair ionam, agus mise san Athair."

39Bhí siad ag iarraidh é a ghabháil ansin, ach d'éalaigh sé óna lámha.

40Agus d'imigh sé leis arís sall thar Iordáin, go dtí an áit ina raibh Eoin ag baisteadh ar dtús, agus d'fhan sé ann.

41Agus tháinig na sluaite chuige agus deiridís: "Ní dhearna Eoin aon mhíorúilt, ach na nithe go léir a dúirt Eoin mar gheall ar an duine seo, b'fhíor dó iad."

42Agus chreid a lán ansiúd ann.

Eoin 11

Lazaras Beo Arís

1Bhí duine áirithe tinn, Lazaras ó Bheatáine, baile Mháire agus Mharta a deirfiúr.

2Ba í an Mháire sin a raibh a dearthár Lazaras tinn anois, a rinne an Tiarna a ungadh le hola agus a thriomaigh a chosa lena gruaig.

[3] Mandaram, pois, as irmãs de Lázaro dizer a Jesus: SENHOR, está enfermo aquele a quem amas.	[3]Chuir na deirfiúracha teachtaireacht chuige á rá: “A thiarna, féach, tá an té is ionúin leat tinn.”
[4] Ao receber a notícia, disse Jesus: Esta enfermidade não é para morte, e sim para a glória de Deus, a fim de que o Filho de Deus seja por ela glorificado.	[4]Arna chloisteáil sin d'Íosa dúirt sé: “Ní chun báis an galar seo ach chun glóire Dé, chun go dtabharfaí glóir do Mhac Dé tríd.”
[5] Ora, amava Jesus a Marta, e a sua irmã, e a Lázaro.	[5]Bhí cion ag Íosa ar Mharta agus ar a deirfiúr Máire, agus ar Lazaras.
[6] Quando, pois, soube que Lázaro estava doente, ainda se demorou dois dias no lugar onde estava.	[6]Nuair a chuala sé go raibh sé breoite, mar sin féin, d'fhan sé dhá lá mar a raibh sé.
[7] Depois, disse aos seus discípulos: Vamos outra vez para a Judéia.	[7]Ansin, tar éis an méid sin, dúirt sé lena dheisceabail: “Téimis go Iúdáia arís.”
[8] Disseram-lhe os discípulos: Mestre, ainda agora os judeus procuravam apedrejar-te, e voltas para lá?	[8]Dúirt a dheisceabail leis: “A Mháistir, bhí na Giúdaigh ag iarraidh gabháil de chlocha ionat ó chianaibhín, agus an rachaidh tú chun na háite sin arís?”
[9] Respondeu Jesus: Não são doze as horas do dia? Se alguém andar de dia, não tropeça, porque vê a luz deste mundo;	[9]D'fhreagair Íosa: “Nach bhfuil dhá uair déag sa lá? Má shiúlann duine sa lá ní fhaigheann sé barrthuisle, mar feiceann sé solas an tsaoil seo.
[10] mas, se andar de noite, tropeça, porque nele não há luz.	[10]Ach má shiúlann sé san oíche, faigheann sé barrthuisle mar níl an solas sa duine sin.”
[11] Isto dizia e depois lhes acrescentou: Nosso amigo Lázaro adormeceu, mas vou para despertá-lo.	[11]Sin é mar a labhair sé agus ansin dúirt sé leo: “Tá ár gcara Lazaras ina chodladh, ach táim ag dul á dhúiseacht.”
[12] Disseram-lhe, pois, os discípulos: SENHOR, se dorme, estará salvo.	[12]Dúirt a dheisceabail leis ansin: “Má tá sé ina chodladh, a Thiarna, beidh sé slán.”
[13] Jesus, porém, falara com respeito à morte de Lázaro; mas eles supunham que tivesse falado do repouso do sono.	[13]Is ar a bhás a labhair Íosa, ach shíl siadsan gur ar shuan codlata a labhair sé.
[14] Então, Jesus lhes disse claramente: Lázaro morreu;	[14]Dúirt Íosa leo go hoscailte ansin dá bhrí sin: “Tá Lazaras marbh;

[15] e por vossa causa me alegro de que lá não estivesse, para que possais crer; mas vamos ter com ele.

[16] Então, Tomé, chamado Dídimo, disse aos condiscípulos: Vamos também nós para morrermos com ele.

[17] Chegando Jesus, encontrou Lázaro já sepultado, havia quatro dias.

[18] Ora, Betânia estava cerca de quinze estádios perto de Jerusalém.

[19] Muitos dentre os judeus tinham vindo ter com Marta e Maria, para as consolar a respeito de seu irmão.

[20] Marta, quando soube que vinha Jesus, saiu ao seu encontro; Maria, porém, ficou sentada em casa.

[21] Disse, pois, Marta a Jesus: SENHOR, se estiveras aqui, não teria morrido meu irmão.

[22] Mas também sei que, mesmo agora, tudo quanto pedires a Deus, Deus to concederá.

[23] Declarou-lhe Jesus: Teu irmão há de ressurgir.

[24] Eu sei, replicou Marta, que ele há de ressurgir na ressurreição, no último dia.

[25] Disse-lhe Jesus: Eu sou a ressurreição e a vida. Quem crê em mim, ainda que morra, viverá;

[26] e todo o que vive e crê em mim não morrerá, eternamente. Crês isto?

[27] Sim, SENHOR, respondeu ela, eu tenho crido que tu és o Cristo, o Filho de Deus que devia vir ao mundo.

[15]agus tá áthas orm ar bhur sonsa nach raibh mé ann, ionas go gcreidfeadh sibh. Ach téanam chuige."

[16]Ansin dúirt Tomás, ar a dtugtar an Leathchúpla, lena chomhdheisceabail: "Téanam, sinne chomh maith, chun bás a fháil in éineacht leis."

[17]Ar theacht d'Íosa dá réir sin, fuair sé é agus é ceithre lá cheana féin sa tuama.

[18]Bhí Béatáine timpeall chúig staid déag ó Iarúsailéim.

[19]Bhí cuid mhór Giúdach tagtha ag triall ar Mharta agus ar Mháire chun sólás a chur orthu i ndiaidh a ndearthár.

[20]Nuair a chuala Marta mar sin go raibh Íosa tagtha, chuaigh sí amach ina choinne. D'fhan Máire ina suí sa teach.

[21]Dúirt Marta ansin le Íosa: "A Thiarna, dá mbeifeá-sa anseo ní bhfaigheadh mo dheartháir bás.

[22]Ach tá a fhios agam anois féin, cibé ní a iarrfaidh tú ar Dhia, go dtabharfaidh Dia duit é."

[23]Dúirt Íosa léi: "Éireoidh do dheartháir arís."

[24]"Tá a fhios agam," arsa Marta leis, "go n-éireoidh sé arís san aiséirí an lá deireanach."

[25]Dúirt Íosa léi: "Mise an t-aiséirí agus an bheatha; An té a chreideann ionamsa, fiú amháin má fhaigheann sé bás, mairfidh sé,

[26]agus gach duine a mhaireann is a chreideann ionamsa, ní bhfaighidh sé bás choíche. An gcreideann tú an méid sin?"

[27]"Creidim, a Thiarna," ar sí, "creidim gur tú Críost, Mac Dé, atá ag teacht ar an saol."

[28] Tendo dito isto, retirou-se e chamou Maria, sua irmã, e lhe disse em particular: O Mestre chegou e te chama.

[29] Ela, ouvindo isto, levantou-se depressa e foi ter com ele,

[30] pois Jesus ainda não tinha entrado na aldeia, mas permanecia onde Marta se avistara com ele.

[31] Os judeus que estavam com Maria em casa e a consolavam, vendo-a levantar-se depressa e sair, seguiram-na, supondo que ela ia ao túmulo para chorar.

[32] Quando Maria chegou ao lugar onde estava Jesus, ao vê-lo, lançou-se-lhe aos pés, dizendo: SENHOR, se estiveras aqui, meu irmão não teria morrido.

[33] Jesus, vendo-a chorar, e bem assim os judeus que a acompanhavam, agitou-se no espírito e comoveu-se.

[34] E perguntou: Onde o sepultastes? Eles lhe responderam: SENHOR, vem e vê!

[35] Jesus chorou.

[36] Então, disseram os judeus: Vede quanto o amava.

[37] Mas alguns objetaram: Não podia ele, que abriu os olhos ao cego, fazer que este não morresse?

[38] Jesus, agitando-se novamente em si mesmo, encaminhou-se para o túmulo; era este uma gruta a cuja entrada tinham posto uma pedra.

[28]Arna rá sin di, d'imigh sí agus ghlaoigh sí ar Mháire a deirfiúr gan fhios agus dúirt: “Tá an máistir anseo agus tá sé ag glaoch ort.”

[29]Nuair a chuala sise an méid sin d'éirigh sí go tapa agus chuaigh sí ag triall air.

[30]Óir ní raibh Íosa tagtha fós isteach sa bhaile ach bhí sé go fóill san áit inar bhuail Marta leis.

[31]Na Giúdaigh ansin a bhí sa teach i bhfochair Mháire ag cur sóláis uirthi, nuair a chonaic siad Máire ag éirí agus ag imeacht amach go deithneasach, lean siad í á mheas gur ag dul chun an tuama a bhí sí le caoineadh a dhéanamh ann.

[32]Nuair a tháinig Máire mar a raibh Íosa, agus go bhfaca sí é, chaith sí í féin ag a chosa, á rá leis: “A Thiarna, dá mbeifeá anseo ní bhfaigheadh mo dheartháir bás.”

[33]Ansin nuair a chonaic Íosa ag gol í agus na Giúdaigh a tháinig in éineacht léi ag gol, tháinig suaitheadh spioraid agus buaireamh air,

[34]agus dúirt sé: “Cá bhfuil sé curtha agaibh?” Dúirt siad leis: “Tar, a Thiarna, agus feic.”

[35]Bhris a ghol ar Íosa.

[36]Dúirt na Giúdaigh dá bhrí sin: “Féach, cad é cion a bhí aige air!”

[37]Ach dúirt cuid acu: “An té seo a d'oscail súile an daill, nach bhféadfadh sé chomh maith an duine seo a choimeád ón mbás?”

[38]Tháinig suaitheadh arís ansin ar Íosa agus tháinig sé go dtí an tuama; pluais a ba ea é agus líog ina luí lena bhéal.

[39] Então, ordenou Jesus: Tirai a pedra. Disse-lhe Marta, irmã do morto: SENHOR, já cheira mal, porque já é de quatro dias.

[40] Respondeu-lhe Jesus: Não te disse eu que, se creres, verás a glória de Deus?

[41] Tiraram, então, a pedra. E Jesus, levantando os olhos para o céu, disse: Pai, graças te dou porque me ouviste.

[42] Aliás, eu sabia que sempre me ouves, mas assim falei por causa da multidão presente, para que creiam que tu me enviaste.

[43] E, tendo dito isto, clamou em alta voz: Lázaro, vem para fora!

[44] Saiu aquele que estivera morto, tendo os pés e as mãos ligados com ataduras e o rosto envolto num lenço. Então, lhes ordenou Jesus: Desatai-o e deixai-o ir.

[45] Muitos, pois, dentre os judeus que tinham vindo visitar Maria, vendo o que fizera Jesus, creram nele.

[46] Outros, porém, foram ter com os fariseus e lhes contaram dos feitos que Jesus realizara.

O plano para tirar a vida de Jesus

[47] Então, os principais sacerdotes e os fariseus convocaram o Sinédrio; e disseram: Que estamos fazendo, uma vez que este homem opera muitos sinais?

[48] Se o deixarmos assim, todos crerão nele; depois, virão os romanos e tomarão não só o nosso lugar, mas a própria nação.

[49] Caifás, porém, um dentre eles, sumo sacerdote naquele ano, advertiu-os, dizendo: Vós nada sabeis,

[39]Dúirt Íosa: “Aistrígí an líog.” Dúirt Marta, deirfiúr an mhairbh leis: “Tá sé bréan faoin am seo, mar tá sé ceithre lá marbh.”

[40]Dúirt Íosa léi: “Nach ndúirt mé leat: má chreideann tú go bhfeicfidh tú glóir Dé?”

[41]D'aistrigh siad an líog ansin agus d'ardaigh Íosa a shúile agus dúirt: “A Athair, gabhaim buíochas leat gur éist tú liom;

[42]bhí a fhios agam féin go n-éisteann tú liom i gconaí; ach is ar son an tslua atá ina seasamh anseo i mo thimpeall, a labhair mé, chun go gcreidfidís gur chuir tú uait mé.”

[43]Arna rá sin dó, ghlaoigh sé de ghlór ard: “A Lazaras, tar amach!”

[44]Agus tháinig an marbhán amach agus éadaí báis fillte ar a lámha agus a chosa agus brat ar a cheannaithe. Dúirt Íosa leo: “Scaoiligí é agus ligigí chun siúil é.”

[45]Ansin a lán do na Giúdaigh a tháinig go Máire agus Marta agus a chonaic a ndearna sé, chreid siad ann.

[46]Ach d'imigh cuid acu go dtí na Fairisínigh agus d'inis siad dóibh cad a rinne Íosa.

[47]Thionóil na hardsagairt agus na Fairisínigh comhairle agus dúirt siad: “Cad atá á dhéanamh againn? Óir tá a lán míorúiltí á ndéanamh ag an duine seo.

[48]Má ligimid leis mar seo creidfidh cách ann agus tiocfaidh na Rómhánaigh agus scriosfaidh siad ár n-áit [naofa] agus ár gcine.”

[49]Ach aon duine amháin acu, Cáiafas, ardsagart na bliana sin, dúirt sé leo: “Ní fios daoibh rud ar bith,

50 nem considerais que vos convém que morra um só homem pelo povo e que não venha a perecer toda a nação.

51 Ora, ele não disse isto de si mesmo; mas, sendo sumo sacerdote naquele ano, profetizou que Jesus estava para morrer pela nação

52 e não somente pela nação, mas também para reunir em um só corpo os filhos de Deus, que andam dispersos.

53 Desde aquele dia, resolveram matá-lo.

54 De sorte que Jesus já não andava publicamente entre os judeus, mas retirou-se para uma região vizinha ao deserto, para uma cidade chamada Efraim; e ali permaneceu com os discípulos.

55 Estava próxima a Páscoa dos judeus; e muitos daquela região subiram para Jerusalém antes da Páscoa, para se purificarem.

56 Lá, procuravam Jesus e, estando eles no templo, diziam uns aos outros: Que vos parece? Não virá ele à festa?

57 Ora, os principais sacerdotes e os fariseus tinham dado ordem para, se alguém soubesse onde ele estava, denunciá-lo, a fim de o prenderem.

João 12

Jesus ungido por Maria em Betânia

Mateus 26.6-13; Marcos 14.3-9

1 Seis dias antes da Páscoa, foi Jesus para Betânia, onde estava Lázaro, a quem ele ressuscitara dentre os mortos.

50 ná ní thuigtear daoibh gur fearr aon duine amháin a fháil bháis ar son an phobail, ná an cine go léir a dhul ar ceal.”

51 Ní uaidh féin a dúirt sé é seo, ach mar gurbh é an t-ardsagart é don bhliain sin, rinne sé tairngreacht go raibh Íosa chun bás a fháil ar son an chine,

52 agus ní ar son an chine amháin é, ach chun go gcruinneodh sé le chéile, ina aon, clann Dé a bhí scaipthe.

53 Ón lá sin amach bhí sé beartaithe acu é a chur chun báis.

54 Uime sin níor ghabh Íosa timpeall go poiblí feasta i measc na nGiúdach, ach d'imigh sé ón áit sin go dúiche i ngar don fhásach, go cathair ar a dtugtar Eafráim, agus d'fhan sé ansiúd fara a dheisceabail.

An Cháisc ag Teacht

55 Bhí Cáisc na nGiúdach in achmaireacht agus chuaigh a lán daoine ón tuath suas go Iarúsailéim roimh an gCáisc chun iad féin a naomhú.

56 Bhí siad ag lorg Íosa dá bhrí sin agus deiridís le chéile agus iad ina seasamh sa Teampall: “Cad is dóigh libh? An amhlaidh nach dtiocfaidh sé chun na féile?”

57 Bhí orduithe tugtha ag na hardsagairt agus ag na Fairisínigh, dá mbeadh a fhios ag aon duine cá raibh sé, é a insint chun go ndéanfaidís é a ghabháil.

Eoin 12

An tUngadh i mBéatáine

1 Sé lá roimh an gCáisc tháinig Íosa go Béatáine mar a raibh Lazaras a d'ardaigh Íosa ó mhairbh.

[2] Deram-lhe, pois, ali, uma ceia; Marta servia, sendo Lázaro um dos que estavam com ele à mesa.

[3] Então, Maria, tomando uma libra de bálsamo de nardo puro, mui precioso, ungiu os pés de Jesus e os enxugou com os seus cabelos; e encheu-se toda a casa com o perfume do bálsamo.

[4] Mas Judas Iscariotes, um dos seus discípulos, o que estava para traí-lo, disse:

[5] Por que não se vendeu este perfume por trezentos denários e não se deu aos pobres?

[6] Isto disse ele, não porque tivesse cuidado dos pobres; mas porque era ladrão e, tendo a bolsa, tirava o que nela se lançava.

[7] Jesus, entretanto, disse: Deixa-a! Que ela guarde isto para o dia em que me embalsamarem;

[8] porque os pobres, sempre os tendes convosco, mas a mim nem sempre me tendes.

O plano para tirar a vida de Lázaro

[9] Soube numerosa multidão dos judeus que Jesus estava ali, e lá foram não só por causa dele, mas também para verem Lázaro, a quem ele ressuscitara dentre os mortos.

[10] Mas os principais sacerdotes resolveram matar também Lázaro;

[11] porque muitos dos judeus, por causa dele, voltavam crendo em Jesus.

A entrada triunfal de Jesus em Jerusalém

Mateus 21.1-11; Marcos 11.1-11; Lucas 19.28-40

[2]Thug siad dinnéar dó ansiúd, dá bhrí sin, agus bhí Marta ag freastal agus Lazaras ar an gcuideachta leis ag an mbord.

[3]Ansin thóg Máire punt meáchain d'ola an-luachmhar, nard dílis, agus rinne sí cosa Íosa a ungadh leis agus iad a chuimilt lena gruaig. Líon an teach de bholadh cumhra na hola.

[4]Ach dúirt duine dá dheisceabail, Iúdás ó Isceiriót, an fear a bhí ar tí a bhraite:

[5]“Cad chuige nár díoladh an ola seo ar thrí chéad déanar agus é a thabhairt do na boicht?”

[6]Ach dúirt sé é sin, ní mar go raibh aon aird aige ar na boicht ach gur ghadaí é agus go mbíodh an sparán aige agus go mbíodh sé ag tarraingt as a gcuirtí ann.

[7]Dúirt Íosa ansin: “Lig di chun go gcoimeádfaidh sí é i gcomhair lá m'adhlactha.

[8]Óir bíonn na boicht agaibh i gcónaí in bhur measc, ach ní bhímse agaibh i gcónaí.”

[9]Agus bhí a fhios ag slua mór de na Giúdaigh go raibh sé ann agus tháinig siad, ní amháin mar gheall ar Íosa, ach chun go bhfeicfidís Lazaras a d'ardaigh sé ó mhairbh.

[10]Bheartaigh na hardsagairt ansin Lazaras a chur chun báis chomh maith

[11]mar go raibh a lán de na Giúdaigh ag imeacht agus ag creidiúint in Íosa dá bharr.

An Imrím Chaithréimeach

[12] No dia seguinte, a numerosa multidão que viera à festa, tendo ouvido que Jesus estava de caminho para Jerusalém,

[13] tomou ramos de palmeiras e saiu ao seu encontro, clamando: Hosana! Bendito o que vem em nome do SENHOR e que é Rei de Israel!

[14] E Jesus, tendo conseguido um jumentinho, montou-o, segundo está escrito:

[15] Não temas, filha de Sião, eis que o teu Rei aí vem, montado em um filho de jumenta.

[16] Seus discípulos a princípio não compreenderam isto; quando, porém, Jesus foi glorificado, então, eles se lembraram de que estas coisas estavam escritas a respeito dele e também de que isso lhe fizeram.

[17] Dava, pois, testemunho disto a multidão que estivera com ele, quando chamara a Lázaro do túmulo e o levantara dentre os mortos.

[18] Por causa disso, também, a multidão lhe saiu ao encontro, pois ouviu que ele fizera este sinal.

[19] De sorte que os fariseus disseram entre si: Vede que nada aproveitais! Eis aí vai o mundo após ele.

Alguns gregos desejam ver Jesus

[20] Ora, entre os que subiram para adorar durante a festa, havia alguns gregos;

[21] estes, pois, se dirigiram a Filipe, que era de Betsaida da Galiléia, e lhe rogaram: SENHOR, queremos ver Jesus.

[12]Lá arna mhárach, an slua mór a tháinig don fhéile, nuair a chuala siad go raibh Íosa ag teacht go Iarúsailéim,

[13]thóg siad craobhacha pailme agus amach leo ina choinne, agus na gártha á gcur suas acu: “Hósana! Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna, sea, rí Iosrael.”

[14]Agus fuair Íosa asal óg agus shuigh air mar atá scríofa:

[15]“Na bíodh eagla ort, a iníon Shíón; féach, tá do rí ag teacht agus é ina shuí ar shearrach asail.”

[16]Nior thuig a dheisceabail na nithe ar dtús ach nuair a glóiríodh Íosa, ansin is ea a chuimhnigh siad air go raibh na nithe seo scríofa agus go ndearna siad na nithe sin leis.

[17]An slua, dá bhrí sin, a bhí ina fhochair nuair a ghlaoigh sé Lazaras as an tuama agus a thóg sé é ó mhairbh, bhí siad ag tabhairt fianaise uathu.

[18]Is dá bharrsan chomh maith a tháinig an slua amach ina choinne, de bhrí gur chuala siad go ndearna sé an mhíorúilt sin.

[19]Dúirt na Fairisínigh le chéile ansin: “Féach, ní aon tairbhe dúinn aon ní atá ar siúl againn. Tá an saol mór imithe ina dhiaidh!”

Tairngreacht

[20]Bhí Gréagaigh áirithe ar na daoine a chuaigh suas go Iarúsailéim chun adhradh a dhéanamh lá na féile.

[21]Tháinig siadsan mar sin go dtí Pilib, an fear ó Bhéatsáide na Gailíle, agus d'iarr siad

achainí air: “A thiarna, ba mhaith linn Íosa a fheiceáil,” ar siad.

22 Filipe foi dizê-lo a André, e André e Filipe o comunicaram a Jesus.

22Tháinig Pilib agus d'inis sé d'Aindrias é, agus ansin tháinig Aindrias agus Pilib agus d'inis siad d'Íosa é.

23 Respondeu-lhes Jesus: É chegada a hora de ser glorificado o Filho do Homem.

23D'fhreagair Íosa iad agus dúirt: “Tá an uair tagtha chun go ndéanfaí Mac an Duine a ghlóiriú.

24 Em verdade, em verdade vos digo: se o grão de trigo, caindo na terra, não morrer, fica ele só; mas, se morrer, produz muito fruto.

24Amen, Amen, a deirim libh, an gráinne arbhair a thit sa talamh, mura bhfaigheann sé bás, fanann sé leis féin amháin. Ach má fhaigheann sé bás, tugann sé toradh mór uaidh.

25 Quem ama a sua vida perde-a; mas aquele que odeia a sua vida neste mundo preservá-la-á para a vida eterna.

25An té a thugann grá dá anam féin, caillfidh sé é, agus an té a thugann fuath dá anam féin ar an saol seo, déanfaidh sé é a choimeád chun na beatha síoraí.

26 Se alguém me serve, siga-me, e, onde eu estou, ali estará também o meu servo. E, se alguém me servir, o Pai o honrará.

26Má dhéanann aon duine friothálamh ormsa, leanadh sé mé, agus an áit ina mbímse, is ann a bheidh mo fhriothálaí chomh maith. Má dhéanann aon duine friothálamh ormsa, tabharfaidh m'Athair onóir dó.

27 Agora, está angustiada a minha alma, e que direi eu? Pai, salva-me desta hora? Mas precisamente com este propósito vim para esta hora.

27Tá buaireamh ar m'anam anois. Cad déarfaidh mé? ‘A Athair, saor mé ón uair seo’? Ach is chuige sin a tháinig mé chun na huaire seo.

28 Pai, glorifica o teu nome. Então, veio uma voz do céu: Eu já o glorifiquei e ainda o glorificarei.

28Athair, tabhair glóir do d'ainm!” Ansin tháinig guth ó neamh: “Thug mé glóir dó, agus tabharfaidh mé glóir dó arís.”

29 A multidão, pois, que ali estava, tendo ouvido a voz, dizia ter havido um trovão. Outros diziam: Foi um anjo que lhe falou.

29Arna chloisteáil don slua a bhí ina seasamh timpeall, dúirt siad gur toirneach a rinneadh; dúirt cuid acu: “Aingeal a labhair leis.”

30 Então, explicou Jesus: Não foi por mim que veio esta voz, e sim por vossa causa.

30D'fhreagair Íosa: “Ní ar mo shonsa,” ar sé, “a tharla an guth, ach ar bhur sonsa.

31 Chegou o momento de ser julgado este mundo, e agora o seu príncipe será expulso.

31Anois atá breith á tabhairt ar an saol seo. Anois atá prionsa an tsaoil seo le teilgean amach.

[32] E eu, quando for levantado da terra, atrairei todos a mim mesmo.
[33] Isto dizia, significando de que gênero de morte estava para morrer.
[34] Replicou-lhe, pois, a multidão: Nós temos ouvido da lei que o Cristo permanece para sempre, e como dizes tu ser necessário que o Filho do Homem seja levantado? Quem é esse Filho do Homem?
[35] Respondeu-lhes Jesus: Ainda por um pouco a luz está convosco. Andai enquanto tendes a luz, para que as trevas não vos apanhem; e quem anda nas trevas não sabe para onde vai.
[36] Enquanto tendes a luz, crede na luz, para que vos torneis filhos da luz. Jesus disse estas coisas e, retirando-se, ocultou-se deles.

A explicação da incredulidade dos judeus

[37] E, embora tivesse feito tantos sinais na sua presença, não creram nele,
[38] para se cumprir a palavra do profeta Isaías, que diz: SENHOR, quem creu em nossa pregação? E a quem foi revelado o braço do SENHOR?
[39] Por isso, não podiam crer, porque Isaías disse ainda:
[40] Cegou-lhes os olhos e endureceu-lhes o coração, para que não vejam com os olhos, nem entendam com o coração, e se convertam, e sejam por mim curados.
[41] Isto disse Isaías porque viu a glória dele e falou a seu respeito.
[42] Contudo, muitos dentre as próprias autoridades creram nele, mas, por causa

[32]Má ardaítear mise ón talamh tarraingeoidh mé gach duine chugam féin."
[33]Dúirt sé an méid sin á chur in iúl cén sórt báis a bhí i ndán dó a fháil.
[34]D'fhreagair an slua é ansin: "Chualamar ón dlí go bhfanfaidh Críost go deo, agus cén chaoi a ndeir tú nach foláir Mac an Duine a ardú? Cé hé an Mac seo an Duine?"
[35]Dúirt Íosa leo ansin: "Tá an solas agaibh go fóill, tamall beag. Déanaigí siúl fad tá an solas agaibh, i dtreo nach mbéarfadh an dorchacht oraibh. An té a shiúlann sa dorchacht, níl a fhios aige cá mbíonn sé ag dul.
[36]Fad tá an solas agaibh creidigí sa solas chun go mbeadh sibh in bhur gclann ag an solas." Labhair Íosa na nithe sin leo, agus d'imigh agus cheil é féin orthu.

Díchreideamh na nGiúdach

[37]Cé go ndearna sé an méid sin comharthaí os a gcomhair ní chreidfidís ann -
[38]ionas go gcomhlíonfaí an focal a dúirt Íseáia fáidh: "A Thiarna, cé a chreid ár scéala? Agus cé dó ar taispeánadh lámh an Tiarna?"
[39]Uime sin níorbh fhéidir dóibh creidiúint óir dúirt Íseáia arís:
[40]"Dhall sé a súile, agus chruaigh sé a gcroí, chun nach bhfeicfidís lena súile agus nach dtuigfidís lena gcroí, agus go n-iompódh siad agus go leigheasfainn iad."
[41]Dúirt Íseáia na nithe sin mar go bhfaca sé a ghlóir agus gur labhair sé air.
[42]San am céanna, áfach, chreid a lán de na huachtaráin féin ann, ach níor admhaigh siad

dos fariseus, não o confessavam, para não serem expulsos da sinagoga;

[43] porque amaram mais a glória dos homens do que a glória de Deus.

é mar gheall ar na Fairisínigh le heagla go gcuirfí as an tsionagóg iad.

[43]Óir ba mhó acu glóir daoine ná glóir Dé.

O resumo do ensino de Jesus

[44] E Jesus clamou, dizendo: Quem crê em mim crê, não em mim, mas naquele que me enviou.

[44]Ghlaoigh Íosa de ghuth ard agus dúirt: “An té a chreideann ionamsa, ní chreideann sé ionamsa, ach sa té a chuir uaidh mé.

[45] E quem me vê a mim vê aquele que me enviou.

[45]Agus an té a fheiceann mise, feiceann sé an té a chuir uaidh mé.

[46] Eu vim como luz para o mundo, a fim de que todo aquele que crê em mim não permaneça nas trevas.

[46]Tháinig mise, mar sholas, isteach sa saol i dtreo, gach duine a chreideann ionamsa, nach bhfanfadh sé sa dorchacht.

[47] Se alguém ouvir as minhas palavras e não as guardar, eu não o julgo; porque eu não vim para julgar o mundo, e sim para salvá-lo.

[47]Má chluineann aon duine mo bhriathra agus nach gcoinneoidh sé iad, ní mise a thugann daorbhreith air, óir ní chun daorbhreith a thabhairt ar an saol a tháinig mé, ach chun an saol a shaoradh.

[48] Quem me rejeita e não recebe as minhas palavras tem quem o julgue; a própria palavra que tenho proferido, essa o julgará no último dia.

[48]An té a dhiúltaíonn domsa, agus nach nglacann mo bhriathra, tá aige an té a thabharfaidh daorbhreith air. An briathar féin a labhair mé, tabharfaidh sé sin daorbhreith air an lá deireanach.

[49] Porque eu não tenho falado por mim mesmo, mas o Pai, que me enviou, esse me tem prescrito o que dizer e o que anunciar.

[49]Óir ní uaim féin a labhair mé, ach an tAthair féin a chuir uaidh mé, thug seisean ordú dom, cad a déarfainn agus cad a labhróinn.

[50] E sei que o seu mandamento é a vida eterna. As coisas, pois, que eu falo, como o Pai mo tem dito, assim falo.

[50]Agus tá a fhios agam gur beatha shíoraí a ordú. Agus uime sin na nithe a labhraím, is mar a dúirt an tAthair liom a labhraím iad.”

João 13

Jesus lava os pés aos discípulos

[1] Ora, antes da Festa da Páscoa, sabendo Jesus que era chegada a sua hora de passar deste mundo para o Pai, tendo amado os seus que estavam no mundo, amou-os até ao fim.

Eoin 13

Íosa ag Ní Cosa a Dheisceabal

[1]Roimh fhéile na Cásca, ó bhí a fhios ag Íosa go raibh a uair tagtha chun imeacht as an saol seo go dtí an tAthair, agus ó thug sé grá dá mhuintir féin a bhí ar an saol, thug sé grá thar na bearta dóibh feasta.

[2] Durante a ceia, tendo já o diabo posto no coração de Judas Iscariotes, filho de Simão, que traísse a Jesus,

[2]Le linn an tsuipéir agus tar éis don diabhal a chur ina chroí ag Iúdás, mac Shíomóin Isceiriót, go mbraithfeadh sé é -

[3] sabendo este que o Pai tudo confiara às suas mãos, e que ele viera de Deus, e voltava para Deus,

[3]ó bhí a fhios ag Íosa go raibh gach uile ní tugtha isteach ina lámha dó, ag an Athair, agus gur ó Dhia a ghabh sé amach, agus gur ar Dhia a bhí a thriall,

[4] levantou-se da ceia, tirou a vestimenta de cima e, tomando uma toalha, cingiu-se com ela.

[4]d'éirigh sé ón suipéar, agus leag sé uaidh a chuid éadaigh, agus cheangail sé tuáille faoina choim.

[5] Depois, deitou água na bacia e passou a lavar os pés aos discípulos e a enxugar-lhos com a toalha com que estava cingido.

[5]Ansin chuir sé uisce sa bháisín agus thosaigh ag ní cosa na ndeisceabal agus á dtiormú leis an tuáille a bhí faoina choim.

[6] Aproximou-se, pois, de Simão Pedro, e este lhe disse: SENHOR, tu me lavas os pés a mim?

[6]Tháinig sé chomh fada le Síomón Peadar agus dúirt seisean leis: “Tusa a ní mo chos-sa, a Thiarna!”

[7] Respondeu-lhe Jesus: O que eu faço não o sabes agora; compreendê-lo-ás depois.

[7]D'fhreagair Íosa é: “Ní fios duit anois cad tá ar siúl agam,” ar sé leis, “ach tuigfidh tú ar ball é.”

[8] Disse-lhe Pedro: Nunca me lavarás os pés. Respondeu-lhe Jesus: Se eu não te lavar, não tens parte comigo.

[8]Dúirt Peadar leis: “Ní nífidh tú mo chosa-sa choíche!” D'fhreagair Íosa é: “Mura ndéanfaidh mé thú a ní, ní bheidh aon chuid agat díom.”

[9] Então, Pedro lhe pediu: SENHOR, não somente os pés, mas também as mãos e a cabeça.

[9]Dúirt Síomón Peadar leis: “A Thiarna, ní amháin mo chosa, ach nigh fós mo lámha agus mo cheann!”

[10] Declarou-lhe Jesus: Quem já se banhou não necessita de lavar senão os pés; quanto ao mais, está todo limpo. Ora, vós estais limpos, mas não todos.

[10]Dúirt Íosa leis: “Duine tar éis a fholctha, ní gá dó a ní [ach a chosa]; tá sé glan go hiomlán. Agus tá sibhse glan, ach níl gach duine agaibh glan.”

[11] Pois ele sabia quem era o traidor. Foi por isso que disse: Nem todos estais limpos.

[11]Mar bhí a fhios aige cé a bhí chun é bhrath; sin é an fáth a ndúirt sé: “Níl gach duine agaibh glan.”

Uma lição de humildade

[12] Depois de lhes ter lavado os pés, tomou as vestes e, voltando à mesa, perguntou-lhes: Compreendeis o que vos fiz?

[12]Ansin, tar éis dó a gcosa a ní, agus a chuid éadaigh a chur air, shuigh sé chun boird arís

agus dúirt sé leo: “An dtuigeann sibh cad tá déanta agam daoibh?

[13] Vós me chamais o Mestre e o SENHOR e dizeis bem; porque eu o sou.

[13]Deir sibh: ‘A Mháistir’ liom agus ‘A Thiarna’, agus is le ceart é, óir is mé sin.

[14] Ora, se eu, sendo o SENHOR e o Mestre, vos lavei os pés, também vós deveis lavar os pés uns dos outros.

[14]Má rinne mise bhur gcosa a ní agus gur mé bhur dTiarna agus bhur Máistir, ba chóir daoibhse chomh maith cosa a chéile a ní.

[15] Porque eu vos dei o exemplo, para que, como eu vos fiz, façais vós também.

[15]Tá sampla tugtha agam daoibh, faoi mar atá déanta agam daoibhse, go ndéanfadh sibhse mar an gcéanna.

[16] Em verdade, em verdade vos digo que o servo não é maior do que seu senhor, nem o enviado, maior do que aquele que o enviou.

[16]Amen, Amen, a deirim libh, níl aon seirbhíseach níos mó ná a mháistir, ná níl aspal níos mó ná an té a chuir uaidh é.

[17] Ora, se sabeis estas coisas, bem-aventurados sois se as praticardes.

[17]Má tá a fhíos agaibh na nithe sín, is méanar daoibh má dhéanann sibh iad.

[18] Não falo a respeito de todos vós, pois eu conheço aqueles que escolhi; é, antes, para que se cumpra a Escritura: Aquele que come do meu pão levantou contra mim seu calcanhar.

[18]“Nílim ag labhairt oraibh go léir, óir aithním na daoine a thogh mé, ach chun go gcomhlíonfaí an scrioptúr: ‘An té a d'ith arán liom, d'ardaigh sé a sháil i mo choinne.’

[19] Desde já vos digo, antes que aconteça, para que, quando acontecer, creiais que EU SOU.

[19]Táim á insint sin daoibh anois, roimh ré, sula dtarlaíonn sé, i dtreo, nuair a tharlaíonn sé, go gcreidfidh sibh gur mise é.

[20] Em verdade, em verdade vos digo: quem recebe aquele que eu enviar, a mim me recebe; e quem me recebe recebe aquele que me enviou.

[20]Amen, Amen, a deirim libh, an té a ghlacann aon duine a chuirfidh mise uaim, is mise a ghlacann sé; agus an té a ghlacann mise, glacann sé an té a chuir uaidh mé.”

O traidor indicado

Feall

[21] Ditas estas coisas, angustiou-se Jesus em espírito e afirmou: Em verdade, em verdade vos digo que um dentre vós me trairá.

[21]Ar rá na cainte sin d'Íosa, tháinig suaitheadh spioraid air, thug fianaise agus dúirt: “Amen, Amen, a deirim libh, déanfaidh duine agaibh mé a bhrath.”

[22] Então, os discípulos olharam uns para os outros, sem saber a quem ele se referia.

[22]D'fhéach na deisceabail ar a chéile ansin agus iad in amhras i dtaobh cé air ar labhair sé.

[23] Ora, ali estava conchegado a Jesus um dos seus discípulos, aquele a quem ele amava;

[24] a esse fez Simão Pedro sinal, dizendo-lhe: Pergunta a quem ele se refere.

[25] Então, aquele discípulo, reclinando-se sobre o peito de Jesus, perguntou-lhe: SENHOR, quem é?

[26] Respondeu Jesus: É aquele a quem eu der o pedaço de pão molhado. Tomou, pois, um pedaço de pão e, tendo-o molhado, deu-o a Judas, filho de Simão Iscariotes.

[27] E, após o bocado, imediatamente, entrou nele Satanás. Então, disse Jesus: O que pretendes fazer, faze-o depressa.

[28] Nenhum, porém, dos que estavam à mesa percebeu a que fim lhe dissera isto.

[29] Pois, como Judas era quem trazia a bolsa, pensaram alguns que Jesus lhe dissera: Compra o que precisamos para a festa ou lhe ordenara que desse alguma coisa aos pobres.

[30] Ele, tendo recebido o bocado, saiu logo. E era noite.

O novo mandamento

[31] Quando ele saiu, disse Jesus: Agora, foi glorificado o Filho do Homem, e Deus foi glorificado nele;

[32] se Deus foi glorificado nele, também Deus o glorificará nele mesmo; e glorificá-lo-á imediatamente.

[23]Bhí ina luí agus a cheann in ucht Íosa, duine dá dheisceabail a raibh grá ag Íosa dó.

[24]Rinne Síomón Peadar comharthaí sóirt leis sin dá bhrí sin agus dúirt: “Fiafraigh cé hé a deir sé.”

[25]Luigh seisean mar sin ar bhrollach Íosa agus dúirt leis: “Cé hé féin, a Thiarna?”

[26]D'fhreagair Íosa dá bhrí sin: “An té dá dtabharfaidh mise an bruan aráin a thumfaidh mé, sin é é.” Ansin thum sé an bruan agus thug sé do Iúdás mac Shíomóin Isceiriót é.

[27]Ansin díreach i ndiaidh an bhruain, chuaigh Sátan isteach ann. Dúirt Íosa leis dá bhrí sin: “A bhfuil agat á dhéanamh, déan go tapa é!”

[28]Ní raibh a fhios ag aon duine den chuideachta ag an mbord cad chuige a dúirt sé é sin leis;

[29]óir shíl cuid acu, ós rud é go raibh an sparán ag Iúdás, go raibh Íosa á rá léis: “Ceannaigh a bhfuil de dhíth orainn don fhéile; nó rud éigin a thabhairt do na boicht.”

[30]Thóg seisean an bruan dá bhrí sin agus d'imigh sé amach gan mhoill. Bhí an oíche ann.

[31]Nuair a d'imigh sé amach, dúirt Íosa: “Tá glóir faighte ag Mac an Duine anois, agus tá glóir faighte ag Dia ann.

[32]Má fuair Dia glóir ann, tabharfaidh Dia glóir dósan ann féin, agus tabharfaidh sé glóir dó gan mhoill.

Comhráite Deiridh

[33] Filhinhos, ainda por um pouco estou convosco; buscar-me-eis, e o que eu disse aos judeus também agora vos digo a vós outros: para onde eu vou, vós não podeis ir.

[34] Novo mandamento vos dou: que vos ameis uns aos outros; assim como eu vos amei, que também vos ameis uns aos outros.

[35] Nisto conhecerão todos que sois meus discípulos: se tiverdes amor uns aos outros.

Pedro é avisado

Mateus 26.31-35; Marcos 14.27-31; Lucas 22.31-34

[36] Perguntou-lhe Simão Pedro: SENHOR, para onde vais? Respondeu Jesus: Para onde vou, não me podes seguir agora; mais tarde, porém, me seguirás.

[37] Replicou Pedro: SENHOR, por que não posso seguir-te agora? Por ti darei a própria vida.

[38] Respondeu Jesus: Darás a vida por mim? Em verdade, em verdade te digo que jamais cantará o galo antes que me negues três vezes.

João 14

Jesus conforta os discípulos

[1] Não se turbe o vosso coração; credes em Deus, crede também em mim.

[2] Na casa de meu Pai há muitas moradas. Se assim não fora, eu vo-lo teria dito. Pois vou preparar-vos lugar.

[3] E, quando eu for e vos preparar lugar, voltarei e vos receberei para mim mesmo,

[33]A chlann ó, is gearr eile atá agam in bhur bhfochair. Beidh sibh ar mo lorg, agus faoi mar a dúirt mé leis na Giúdaigh, deirim libhse arís: ‘An áit ina bhfuilimse ag dul ní féidir daoibhse teacht.’

[34]Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile.

[35]As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile.”

[36]Dúirt Síomón Peadar leis: “A Thiarna, cá bhfuil tú ag dul?” D'fhreagair Íosa é: “Mar a bhfuilimse ag dul, ní féidir duitse mé a leanúint anois, ach leanfaidh tú mé níos déanaí.”

[37]Dúirt Peadar leis: “A Thiarna, cad chuige nach féidir dom thú a leanúint anois? Tabharfaidh mé m'anam ar do shon.”

[38]D'fhreagair Íosa: “An dtabharfaidh tú d'anam ar mo shon? Amen, Amen, a deirim leat ní ghlaofaidh an coileach sula séanfaidh tú mé trí huaire!

Eoin 14

[1]Ná bíodh buaireamh ar bhur gcroí: creideann sibh i nDia; creidigí ionamsa leis.

[2]Is iomaí áras i dteach m'Athar. Mura mbeadh, d'inseoinn daoibh é. Óir táim ag dul ag cur áite i gcóir daoibh,

[3]agus má théim agus áit a chur i gcóir daoibh, tiocfaidh mé arís agus tógfaidh mé sibh chugam féin; i dtreo, an áit ina mbeidh mise, go mbeidh sibhse chomh maith.

para que, onde eu estou, estejais vós também.

4 E vós sabeis o caminho para onde eu vou.

5 Disse-lhe Tomé: SENHOR, não sabemos para onde vais; como saber o caminho?

6 Respondeu-lhe Jesus: Eu sou o caminho, e a verdade, e a vida; ninguém vem ao Pai senão por mim.

7 Se vós me tivésseis conhecido, conheceríeis também a meu Pai. Desde agora o conheceis e o tendes visto.

8 Replicou-lhe Filipe: SENHOR, mostra-nos o Pai, e isso nos basta.

9 Disse-lhe Jesus: Filipe, há tanto tempo estou convosco, e não me tens conhecido? Quem me vê a mim vê o Pai; como dizes tu: Mostra-nos o Pai?

10 Não crês que eu estou no Pai e que o Pai está em mim? As palavras que eu vos digo não as digo por mim mesmo; mas o Pai, que permanece em mim, faz as suas obras.

11 Crede-me que estou no Pai, e o Pai, em mim; crede ao menos por causa das mesmas obras.

12 Em verdade, em verdade vos digo que aquele que crê em mim fará também as obras que eu faço e outras maiores fará, porque eu vou para junto do Pai.

13 E tudo quanto pedirdes em meu nome, isso farei, a fim de que o Pai seja glorificado no Filho.

4Tá eolas na slí agaibh mar a bhfuilim ag dul."

5Dúirt Tomás leis: "A Thiarna, ní eol dúinn cá bhfuil tú ag dul agus cén chaoi is féidir dúinn eolas na slí a bheith againn?"

6Dúirt Íosa leis: "Is mise an tslí, an fhírinne agus an bheatha. Ní thagann aon duine go dtí an tAthair ach tríomsa.

7Dá mbeadh aithne agaibh ormsa, d'aithneodh sibh m'Athair chomh maith. Tá aithne agaibh air feasta, agus tá radharc faighte agaibh air."

8Dúirt Pilib leis: "A Thiarna, taispeáin dúinn an tAthair agus is leor dúinn sin."

9Dúirt Íosa leis: "An bhfuilim an fad sin aimsire, a Philib, in bhur measc agus gan aithne agat orm? An té a chonaic mise, chonaic sé an tAthair. Conas, mar sin, a deir tú: 'Taispeáin dúinn an tAthair'?

10Nach gcreideann tú go bhfuilimse san Athair agus an tAthair ionamsa? Na briathra a labhraímse libh, ní uaim féin a labhraím iad, ach an tAthair atá ina chónaí ionamsa, eisean a dhéanann na hoibreacha.

11Creidigí uaimse é go bhfuilimse san Athair agus an tAthair ionamsa.

12Nó murab é sin, creidigí mar gheall ar na hoibreacha féin. Amen, Amen, a deirim libh, an té a chreideann ionamsa, na hoibreacha a dhéanaimse, déanfaidh seisean iad chomh maith, agus déanfaidh sé oibreacha is mó ná iad; mar táimse ag dul chun an Athar.

13Cibé ní a iarrfaidh sibh i m'ainm déanfaidh mé é, i dtreo go dtabharfaí glóir don Athair tríd an Mac.

[14] Se me pedirdes alguma coisa em meu nome, eu o farei.

[15] Se me amais, guardareis os meus mandamentos.

Jesus promete outro Consolador

[16] E eu rogarei ao Pai, e ele vos dará outro Consolador, a fim de que esteja para sempre convosco,

[17] o Espírito da verdade, que o mundo não pode receber, porque não o vê, nem o conhece; vós o conheceis, porque ele habita convosco e estará em vós.

[18] Não vos deixarei órfãos, voltarei para vós outros.

[19] Ainda por um pouco, e o mundo não me verá mais; vós, porém, me vereis; porque eu vivo, vós também vivereis.

[20] Naquele dia, vós conhecereis que eu estou em meu Pai, e vós, em mim, e eu, em vós.

[21] Aquele que tem os meus mandamentos e os guarda, esse é o que me ama; e aquele que me ama será amado por meu Pai, e eu também o amarei e me manifestarei a ele.

[22] Disse-lhe Judas, não o Iscariotes: Donde procede, SENHOR, que estás para manifestar-te a nós e não ao mundo?

[23] Respondeu Jesus: Se alguém me ama, guardará a minha palavra; e meu Pai o amará, e viremos para ele e faremos nele morada.

[24] Quem não me ama não guarda as minhas palavras; e a palavra que estais ouvindo não é minha, mas do Pai, que me enviou.

[14]Má iarrann sibh aon ní orm i m'ainm, déanfaidh mé é.

[15]Má tá grá agaibh dom, coinneoidh sibh m'aitheanta.

[16]Agus iarrfaidh mé ar m'Athair é, agus tabharfaidh sé Abhcóide eile daoibh chun fanacht faraibh go deo -

[17]Spiorad na Fírinne, nach féidir don saol a ghlacadh, mar ní fheiceann sé é ná ní aithníonn sé é. Ach aithníonn sibhse é mar fanann sé faraibh, agus beidh sé ionaibh.

[18]Ní fhágfaidh mé in bhur ndílleachtaí sibh; tiocfaidh mé ar ais chugaibh.

[19]Tamall beag eile agus siúd é an saol agus gan radharc aige ormsa feasta; ach tá radharc agaibhse orm, óir táimse beo agus beidh sibhse beo chomh maith.

[20]An lá sin aithneoidh sibh go bhfuilimse i m'Athair, agus go bhfuil sibhse ionamsa, agus mise ionaibh.

[21]An té a bhfuil m'aitheantasa aige agus a choinníonn iad, sin é an té a bhfuil grá aige dom. An té a bhfuil grá aige dom, beidh grá ag m'Athair dó, agus beidh grá agam dó, agus taispeánfaidh mé mé féin dó."

[22]Dúirt Iúdás - níorbh é fear Isceiriót é: "A Thiarna, cad é seo? Nach bhfuil tú chun tú féin a thaispeáint don saol, ach dúinne?"

[23]D'fhreagair Íosa: "Má bhíonn grá ag duine dom," ar sé leis, "coinneoidh sé mo bhriathar, agus beidh grá ag m'Athair dó, agus tiocfaimid chuige, agus déanfaimid cónaí mar aon leis.

[24]An té nach mbíonn grá aige dom, ní choinníonn sé mo bhriathra. Ach an briathar a chluineann sibh, ní liom féin é, ach leis an Athair a chuir uaidh mé.

[25] Isto vos tenho dito, estando ainda convosco;

[26] mas o Consolador, o Espírito Santo, a quem o Pai enviará em meu nome, esse vos ensinará todas as coisas e vos fará lembrar de tudo o que vos tenho dito.

[27] Deixo-vos a paz, a minha paz vos dou; não vo-la dou como a dá o mundo. Não se turbe o vosso coração, nem se atemorize.

[28] Ouvistes que eu vos disse: vou e volto para junto de vós. Se me amásseis, alegrar-vos-íeis de que eu vá para o Pai, pois o Pai é maior do que eu.

[29] Disse-vos agora, antes que aconteça, para que, quando acontecer, vós creiais.

[30] Já não falarei muito convosco, porque aí vem o príncipe do mundo; e ele nada tem em mim;

[31] contudo, assim procedo para que o mundo saiba que eu amo o Pai e que faço como o Pai me ordenou. Levantai-vos, vamo-nos daqui.

João 15

A videira e os ramos

[1] Eu sou a videira verdadeira, e meu Pai é o agricultor.

[2] Todo ramo que, estando em mim, não der fruto, ele o corta; e todo o que dá fruto limpa, para que produza mais fruto ainda.

[3] Vós já estais limpos pela palavra que vos tenho falado;

[25]Tá an méid sin inste agam daoibh, fad a bhí mé ag fanacht agaibh,

[26]ach an tAbhcóide, an Spiorad Naomh, a chuirfidh an tAthair uaidh i m'ainmse, múinfidh seisean an uile ní daoibh, agus cuirfidh sé i gcuimhne daoibh, ar inis mise daoibh.

[27]Fágaim síocháin agaibh; tugaim mo shíocháin daoibh. Ní thugaim daoibh í mar a thugann an saol í. Ná bíodh bhur gcroí buartha agus ná bíodh eagla air.

[28]Chuala sibh mé á rá libh: ‘Táim ag imeacht uaibh, agus tiocfaidh mé ar ais chugaibh.’ Dá mbeadh grá agaibh dom, bheadh áthas oraibh, óir táim ag dul go dtí an tAthair, mar is mó an tAthair ná mise.

[29]Agus anois, tá sé inste agam daoibh, sula dtiocfaidh sé chun críche, ionas, nuair a thiocfaidh sé chun críche, go gcreidfidh sibh.

[30]Ní labhróidh mé mórán eile libh, mar tá prionsa an tsaoil seo ag teacht agus níl neart ar bith aige ormsa.

[31]Ach caithfidh an saol a aithint go bhfuil grá agam don Athair, agus go ndéanaim de réir mar a d'ordaigh an tAthair dom. Éirígí, agus téimis as seo.

Eoin 15

An Fhíniúin Fhíor

[1]Mise an fhíniúin fhíor, agus is é m'Athair an saothraí.

[2]Gach géag ionam nach dtugann toradh, bainfidh sé í; agus gach géag a thugann toradh, bearrfaidh sé í, ionas go dtabharfaidh sí breis toraidh.

[3]Tá sibhse bearrtha de bharr an bhriathair a labhair mé libh.

[4] permanecei em mim, e eu permanecerei em vós. Como não pode o ramo produzir fruto de si mesmo, se não permanecer na videira, assim, nem vós o podeis dar, se não permanecerdes em mim.

[5] Eu sou a videira, vós, os ramos. Quem permanece em mim, e eu, nele, esse dá muito fruto; porque sem mim nada podeis fazer.

[6] Se alguém não permanecer em mim, será lançado fora, à semelhança do ramo, e secará; e o apanham, lançam no fogo e o queimam.

[7] Se permanecerdes em mim, e as minhas palavras permanecerem em vós, pedireis o que quiserdes, e vos será feito.

[8] Nisto é glorificado meu Pai, em que deis muito fruto; e assim vos tornareis meus discípulos.

[9] Como o Pai me amou, também eu vos amei; permanecei no meu amor.

[10] Se guardardes os meus mandamentos, permanecereis no meu amor; assim como também eu tenho guardado os mandamentos de meu Pai e no seu amor permaneço.

[11] Tenho-vos dito estas coisas para que o meu gozo esteja em vós, e o vosso gozo seja completo.

[12] O meu mandamento é este: que vos ameis uns aos outros, assim como eu vos amei.

[13] Ninguém tem maior amor do que este: de dar alguém a própria vida em favor dos seus amigos.

[4]Fanaigí ionamsa, agus mise ionaibh. Faoi mar nach féidir don ghéag toradh a thabhairt uaithi féin, mura bhfanann sí san fhíniúin, sin mar nach féidir daoibhse, mura bhfanann sibh ionamsa.

[5]Mise an fhíniúin, sibhse na géaga; an té a fhanann ionamsa, agus mise ann, tugann seisean toradh mór uaidh; óir gan mise, ní féidir daoibh aon ní a dhéanamh.

[6]Cibé nach bhfanfaidh ionamsa, caithfear amach é mar ghéag, agus feofaidh sé; agus tógfar agus caithfear sa tine iad, agus dófar iad.

[7]Má fhanann sibh ionamsa agus má fhanann mo bhriathra ionaibh, iarrfaidh sibh cibé ní is mian libh agus déanfar daoibh é.

[8]Tugadh glóir do m'Athair sa mhéid go dtugann sibhse toradh mór uaibh, agus go mbeidh sibh in bhur ndeisceabail agamsa.

[9]Faoi mar a thug an tAthair grá domsa, thug mise grá daoibhse chomh maith. Fanaigí i mo ghrá.

[10]Má choinníonn sibh m'aitheanta, fanfaidh sibh i mo ghrá, faoi mar a choinnigh mise aitheanta m'Athar, agus a fhanaim ina ghrá.

[11]Dúirt mé na nithe seo libh chun go mbeadh mo lúcháir-sé ionaibh agus go mbeadh bhur lúcháir-sé iomlán.

[12]Is í seo m'aithne: sibh a thabhairt grá dá chéile, faoi mar a thug mé grá daoibh.

[13]Níl grá ag aon duine níos mó ná seo go dtabharfaidh duine a anam ar son a chairde.

[14] Vós sois meus amigos, se fazeis o que eu vos mando.

[15] Já não vos chamo servos, porque o servo não sabe o que faz o seu senhor; mas tenho-vos chamado amigos, porque tudo quanto ouvi de meu Pai vos tenho dado a conhecer.

[16] Não fostes vós que me escolhestes a mim; pelo contrário, eu vos escolhi a vós outros e vos designei para que vades e deis fruto, e o vosso fruto permaneça; a fim de que tudo quanto pedirdes ao Pai em meu nome, ele vo-lo conceda.

[17] Isto vos mando: que vos ameis uns aos outros.

[18] Se o mundo vos odeia, sabei que, primeiro do que a vós outros, me odiou a mim.

[19] Se vós fôsseis do mundo, o mundo amaria o que era seu; como, todavia, não sois do mundo, pelo contrário, dele vos escolhi, por isso, o mundo vos odeia.

[20] Lembrai-vos da palavra que eu vos disse: não é o servo maior do que seu senhor. Se me perseguiram a mim, também perseguirão a vós outros; se guardaram a minha palavra, também guardarão a vossa.

[21] Tudo isto, porém, vos farão por causa do meu nome, porquanto não conhecem aquele que me enviou.

[22] Se eu não viera, nem lhes houvera falado, pecado não teriam; mas, agora, não têm desculpa do seu pecado.

[14]Sibhse mo chairde má dhéanann sibh na nithe a ordaím daoibh.

[15]Ní seirbhísigh a thugaim oraibh feasta, mar ní eol do sheirbhíseach gnó a mháistir. Ach thug mé cairde oraibh, óir gach a gcuala ó m'Athair, chuir mé in iúl daoibh é.

[16]Ní sibhse a rinne mise a thoghadh, ach mise a rinne sibhse a thoghadh, agus a cheapadh chun go n-imeodh sibh agus toradh a thabhairt agus go mairfeadh bhur dtoradh; i dtreo, cibé ní a d'iarrfadh sibh ar an Athair i m'ainm, go dtabharfadh sé daoibh é.

[17]Is iad seo m'aitheanta daoibh: sibh a thabhairt grá dá chéile.

An Saol

[18]“Má thugann an saol fuath daoibh, bíodh a fhios agaibh gur thug sé fuath domsa romhaibh.

[19]Dá mba den saol sibh bheadh cion ag an saol ar a chuid féin. Ach de bhrí nach den saol sibh ach go ndearna mise sibh a thoghadh as an saol, uime sin atá fuath ag an saol daoibh.

[20]Cuimhnígí ar an bhfocal a dúirt mé libh: ‘Níl aon seirbhíseach níos mó ná a mháistir. Má rinne siad géarleanúint ormsa, déanfaidh siad géarleanúint oraibhse chomh maith. Má choinnigh siad mo bhriatharsa, coinneoidh siad bhur mbriatharsa chomh maith.

[21]Ach déanfaidh siad na nithe seo go léir libh, ar son m'ainmse, mar nach raibh aithne acu ar an té a chuir uaidh mé.

[22]Mura dtiocfainn agus labhairt leo, ní bheadh peaca orthu. Ach anois níl leithsceal acu i dtaobh a bpeaca.

[23] Quem me odeia odeia também a meu Pai.

[24] Se eu não tivesse feito entre eles tais obras, quais nenhum outro fez, pecado não teriam; mas, agora, não somente têm eles visto, mas também odiado, tanto a mim como a meu Pai.

[25] Isto, porém, é para que se cumpra a palavra escrita na sua lei: Odiaram-me sem motivo.

[26] Quando, porém, vier o Consolador, que eu vos enviarei da parte do Pai, o Espírito da verdade, que dele procede, esse dará testemunho de mim;

[27] e vós também testemunhareis, porque estais comigo desde o princípio.

João 16

A missão do Consolador

[1] Tenho-vos dito estas coisas para que não vos escandalizeis.

[2] Eles vos expulsarão das sinagogas; mas vem a hora em que todo o que vos matar julgará com isso tributar culto a Deus.

[3] Isto farão porque não conhecem o Pai, nem a mim.

[4] Ora, estas coisas vos tenho dito para que, quando a hora chegar, vos recordeis de que eu vo-las disse. Não vo-las disse desde o princípio, porque eu estava convosco.

[5] Mas, agora, vou para junto daquele que me enviou, e nenhum de vós me pergunta: Para onde vais?

[23]An té ar fuath leis mise, is fuath leis m'Athair chomh maith.

[24]Mura ndéanfainn na hoibreacha ina measc, nach ndearna aon duine eile, ní bheadh peaca orthu. Ach anois chonaic siad, agus is fuath leo, mise agus m'Athair, in éineacht.

[25]Ach ionas go gcomhlíonfaí an focal atá scríofa sa dlí acu [é sin]: 'Thug siad fuath dom gan chúis.'

[26]Nuair a thiocfaidh an tAbhcóide a chuirfidh mé chugaibh ón Athair, Spiorad na Fírinne a ghluaiseann ón Athair, déanfaidh sé fianaise orm.

[27]Déanann sibhse fianaise freisin, mar bhí sibh in éineacht liom ó thosach.

Eoin 16

[1]D'inis mé an méid sin daoibh, ionas nach nglacfaidh sibh scannal.

[2]Dúnfar amach as na sionagóga sibh; tá an t-am ag teacht, fiú amháin, nuair a shílfidh an té a mharóidh sibh gur ag déanamh réir Dé a bhíonn.

[3]Agus déanfaidh siad an méid sin [oraibh] de bhrí nach bhfuil aithne acu ar an Athair ná ormsa.

[4]D'inis mé an méid sin daoibh ionas go mbeadh cuimhne agaibh, nuair a thiocfaidh an t-am dó, gur inis mé daoibh é. Níor dhúirt mé na nithe seo libh ó thus mar bhí mé in bhur bhfochair.

An Spiorad Naomh

[5]"Táim ag imeacht anois, go dtí an té a chuir uaidh mé, agus ní fhiafraíonn aon duine agaibh díom, 'Cá bhfuil tú ag dul? '

[6] Pelo contrário, porque vos tenho dito estas coisas, a tristeza encheu o vosso coração.

[6]Ach de bhrí gur dhúirt mé an méid sin libh, líon bhur gcroí de bhrón.

[7] Mas eu vos digo a verdade: convém-vos que eu vá, porque, se eu não for, o Consolador não virá para vós outros; se, porém, eu for, eu vo-lo enviarei.

[7]Insím an fhírinne daoibh, áfach: is é bhur leas mise a imeacht, mar mura n-imeoidh mé, ní thiocfaidh an tAbhcóide chugaibh; ach má imím, cuirfidh mé chugaibh é.

[8] Quando ele vier, convencerá o mundo do pecado, da justiça e do juízo:

[8]Agus nuair a thiocfaidh sé, áiteoidh sé ar an saol go bhfuil an éagóir aige i dtaobh an pheaca, agus i dtaobh an chirt, agus i dtaobh an bhreithiúnais.

[9] do pecado, porque não crêem em mim;

[9]I dtaobh an pheaca, de bhrí nár chreid siad ionam;

[10] da justiça, porque vou para o Pai, e não me vereis mais;

[10]i dtaobh an chirt, de bhrí go bhfuilim ag triall ar an Athair;

[11] do juízo, porque o príncipe deste mundo já está julgado.

[11]i dtaobh an bhreithiúnais, de bhrí go bhfuíl daorbhreith tugtha cheana féin ar phrionsa an tsaoil seo.

[12] Tenho ainda muito que vos dizer, mas vós não o podeis suportar agora;

[12]Tá mórán eile le rá agam libh, ach ní fhéadann sibh iad a fhulaingt anois;

[13] quando vier, porém, o Espírito da verdade, ele vos guiará a toda a verdade; porque não falará por si mesmo, mas dirá tudo o que tiver ouvido e vos anunciará as coisas que hão de vir.

[13]ach nuair a thiocfaidh sé siúd, Spiorad na Fírinne, déanfaidh sé eolas daoibh chun an uile fhírinne. Óir ní as féin a labhróidh; labhróidh sé na nithe a chuala sé, agus inseoidh sé daoibh na nithe atá le teacht.

[14] Ele me glorificará, porque há de receber do que é meu e vo-lo há de anunciar.

[14]Tabharfaidh sé glóir domsa, óir is de mo chuidse a ghlacfaidh agus a inseoidh sé daoibh.

[15] Tudo quanto o Pai tem é meu; por isso é que vos disse que há de receber do que é meu e vo-lo há de anunciar.

[15]An uile ní dá bhfuil ag m'Athair, is liomsa é. Uime sin a dúirt mé: ‘Is de mo chuidse a ghlacfaidh agus a inseoidh sé daoibh.’

Íosa le Teacht Arís

[16] Um pouco, e não mais me vereis; outra vez um pouco, e ver-me-eis.

[16]“Tamall beag agus ní fheicfidh sibh mé níos mó, agus tamall beag eile agus beidh radharc agaibh orm, mar táim ag triall ar an Athair.”

[17] Então, alguns dos seus discípulos disseram uns aos outros: Que vem a ser

[17]Ansin dúirt cuid dá dheisceabail le chéile: “Cad é seo a deir sé linn: ‘Tamall beag agus ní

isto que nos diz: Um pouco, e não mais me vereis, e outra vez um pouco, e ver-me-eis; e: Vou para o Pai?

[18] Diziam, pois: Que vem a ser esse – um pouco? Não compreendemos o que quer dizer.

[19] Percebendo Jesus que desejavam interrogá-lo, perguntou-lhes: Indagais entre vós a respeito disto que vos disse: Um pouco, e não me vereis, e outra vez um pouco, e ver-me-eis?

[20] Em verdade, em verdade eu vos digo que chorareis e vos lamentareis, e o mundo se alegrará; vós ficareis tristes, mas a vossa tristeza se converterá em alegria.

[21] A mulher, quando está para dar à luz, tem tristeza, porque a sua hora é chegada; mas, depois de nascido o menino, já não se lembra da aflição, pelo prazer que tem de ter nascido ao mundo um homem.

[22] Assim também agora vós tendes tristeza; mas outra vez vos verei; o vosso coração se alegrará, e a vossa alegria ninguém poderá tirar.

[23] Naquele dia, nada me perguntareis. Em verdade, em verdade vos digo: se pedirdes alguma coisa ao Pai, ele vo-la concederá em meu nome.

[24] Até agora nada tendes pedido em meu nome; pedi e recebereis, para que a vossa alegria seja completa.

Palavras de despedida

[25] Estas coisas vos tenho dito por meio de figuras; vem a hora em que não vos falarei

fheicfidh sibh mé, agus tamall beag eile, agus beidh radharc agaibh orm'; agus 'mar táim ag triall ar an Athair'?"

[18]Dá bhrí sin dúirt siad: "Cad é an 'tamall beag' é seo a deir sé? Níl a fhios againn cad is ciall lena chomhrá."

[19]Bhí a fhios ag Íosa gur mhian leo é a cheistiú agus dúirt sé leo: "Tá sibh ag fiafraí dá chéile cad is ciall leis an rud a dúirt mé: 'Tamall beag agus ní fheicfidh sibh mé, agus tamall beag eile agus beidh radharc agaibh orm.'

[20]Amen, Amen, a deirim libh, beidh sibhse ag gol agus ag caoineadh, ach beidh an saol ag déanamh áthais. Beidh sibhse buartha, ach iompófar bhur mbuairt chun áthais.

[21]Nuair a bhíonn bean ina luí seoil, bíonn buairt uirthi, de bhrí go bhfuil a hionú tagtha. Ach nuair a bhíonn an leanbh saolaithe, ní bhíonn cuimhne aici ar an trioblóid a thuilleadh, le barr áthais go bhfuil duine saolaithe.

[22]Agus sibhse mar an gcéanna, tá buairt oraibh anois, ach feicfidh mé arís sibh, agus beidh bhur gcroí ag déanamh áthais, agus ní bhainfidh duine ar bith bhur n-áthas díbh.

[23]An lá sin ní bheidh aon cheist le cur agaibh orm. Amen, Amen, a deirim libh, má iarrann sibh ní ar bith ar an Athair tabharfaidh sé daoibh é i m'ainm-sé.

[24]Go dtí seo níor iarr sibh ní ar bith i m'ainm. Iarraigí agus gheobhaidh sibh, chun go mbeadh bhur n-áthas iomlán.

[25]Labhair mé an méid sin libh i solaoidí. Tá an t-am ag teacht, nuair nach labhróidh mé libh a thuilleadh i solaoidí, ach inseoidh mé daoibh go soiléir mar gheall ar an Athair.

por meio de comparações, mas vos falarei claramente a respeito do Pai.

[26] Naquele dia, pedireis em meu nome; e não vos digo que rogarei ao Pai por vós.

[27] Porque o próprio Pai vos ama, visto que me tendes amado e tendes crido que eu vim da parte de Deus.

[28] Vim do Pai e entrei no mundo; todavia, deixo o mundo e vou para o Pai.

[29] Disseram os seus discípulos: Agora é que falas claramente e não empregas nenhuma figura.

[30] Agora, vemos que sabes todas as coisas e não precisas de que alguém te pergunte; por isso, cremos que, de fato, vieste de Deus.

[31] Respondeu-lhes Jesus: Credes agora?

[32] Eis que vem a hora e já é chegada, em que sereis dispersos, cada um para sua casa, e me deixareis só; contudo, não estou só, porque o Pai está comigo.

[33] Estas coisas vos tenho dito para que tenhais paz em mim. No mundo, passais por aflições; mas tende bom ânimo; eu venci o mundo.

João 17

A oração sacerdotal de Jesus

[1] Tendo Jesus falado estas coisas, levantou os olhos ao céu e disse: Pai, é chegada a hora; glorifica a teu Filho, para que o Filho te glorifique a ti,

[26]Iarrfaidh sibh i m'ainm an lá sin, agus nílim á rá libh go ndéanfaidh mé achainí ar an Athair ar bhur son.

[27]Óir tá cion ag an Athair féin oraibh, de bhrí go raibh cion agaibh orm, agus gur chreid sibh gur ó Dhia a ghabh mé amach.

[28]Ghabh mé amach ón Athair, agus tháinig mé ar an saol. Táim ag fágáil an tsaoil arís, agus táim ag triall ar an Athair.”

[29]Dúirt a dheisceabail leis: “Féach, tá tú ag caint go hoscailte feasta agus ní solaoid ar bith atá tú á rá.

[30]Tá a fhios againn anois go bhfuil fios gach uile ní agat, agus nach gá duit go mbeadh duine ar bith do do cheistiú. As seo a chreidimid gur ó Dhia a ghabh tú amach.”

[31]D'fhreagair Íosa iad: “An gcreideann sibh anois?

[32]Féach, tá an uair ag teacht, agus tá sí ann cheana féin, nuair a scaipfear sibh, gach duine chun a bhaile féin, agus fágfaidh sibh mise i m'aonar. Ach nílim i m'aonar, de bhrí go bhfuil an tAthair faram.

[33]Labhair mé na nithe sin libh, chun go mbeadh síocháin agaibh ionamsa. Tá buairt agaibh sa saol, ach bíodh misneach agaibh. Tá buaite agamsa ar an saol.”

Eoin 17

An Sagart Íosa ag Guí

[1]Dúirt Íosa an chaint sin agus ar thógáil a shúl chun na bhflaitheas dúirt sé: “A Athair, tá an uair tagtha. Tabhair glóir do do Mhac, ionas go dtabharfadh do Mhac glóir duit:

[2] assim como lhe conferiste autoridade sobre toda a carne, a fim de que ele conceda a vida eterna a todos os que lhe deste.

[2]faoi mar a thug tú cumhacht dó ar an uile dhuine, ionas, gach duine a thug tú dó, go dtabharfaidh sé an bheatha shíoraí dóibh.

[3] E a vida eterna é esta: que te conheçam a ti, o único Deus verdadeiro, e a Jesus Cristo, a quem enviaste.

[3]Is í seo an bheatha shíoraí: iad a chur aithne ortsa, an t-aon Dia fírinneach amháin, agus ar Íosa Críost, a chuir tú uait.

[4] Eu te glorifiquei na terra, consumando a obra que me confiaste para fazer;

[4]Thug mise glóir duit ar talamh; tá an obair déanta agam a thug tú dom le déanamh.

[5] e, agora, glorifica-me, ó Pai, contigo mesmo, com a glória que eu tive junto de ti, antes que houvesse mundo.

[5]Agus anois mar sin, a Athair, tabhair-sé glóir domsa i do láthair leis an nglóir chéanna a bhí agam i do láthair, sula raibh an domhan ann.

[6] Manifestei o teu nome aos homens que me deste do mundo. Eram teus, tu mos confiaste, e eles têm guardado a tua palavra.

[6]D'fhoilsigh mé d'ainm do na daoine a thug tú dom as an saol; ba leatsa iad, agus thug tú domsa iad, agus tá do bhriathar coinnithe acu.

[7] Agora, eles reconhecem que todas as coisas que me tens dado provêm de ti;

[7]Tá a fhios acu anois gur uaitse, gach ní dár thug tú dom;

[8] porque eu lhes tenho transmitido as palavras que me deste, e eles as receberam, e verdadeiramente conheceram que saí de ti, e creram que tu me enviaste.

[8]óir na briathra a thug tú dom, thug mé dóibh iad, agus ghlac siad iad agus thuig siad go fíor gur uaitse a tháinig mé, agus chreid siad gur tú a chuir uait mé.

[9] É por eles que eu rogo; não rogo pelo mundo, mas por aqueles que me deste, porque são teus;

[9]Ar a son atáim ag guí; ní ar son an tsaoil atáim ag guí ach ar son na muintire a thug tú dom, mar is leatsa iad.

[10] ora, todas as minhas coisas são tuas, e as tuas coisas são minhas; e, neles, eu sou glorificado.

[10]Leatsa gach ní is liomsa agus liomsa gach ní is leatsa, agus tá glóir faighte agam iontu.

[11] Já não estou no mundo, mas eles continuam no mundo, ao passo que eu vou para junto de ti. Pai santo, guarda-os em teu nome, que me deste, para que eles sejam um, assim como nós.

[11]Nílim ar an saol feasta ach tá siadsan ar an saol agus táim ag dul ag triall ortsa. A Athair naofa coinnigh iad i d'ainm - an t-ainm a chuir tú faoi mo chúram, ionas go mba aon iad faoi mar is aon sinne.

[12] Quando eu estava com eles, guardava-os no teu nome, que me deste, e protegi-os, e nenhum deles se perdeu, exceto o filho da perdição, para que se cumprisse a Escritura.

[13] Mas, agora, vou para junto de ti e isto falo no mundo para que eles tenham o meu gozo completo em si mesmos.

[14] Eu lhes tenho dado a tua palavra, e o mundo os odiou, porque eles não são do mundo, como também eu não sou.

[15] Não peço que os tires do mundo, e sim que os guardes do mal.

[16] Eles não são do mundo, como também eu não sou.

[17] Santifica-os na verdade; a tua palavra é a verdade.

[18] Assim como tu me enviaste ao mundo, também eu os enviei ao mundo.

[19] E a favor deles eu me santifico a mim mesmo, para que eles também sejam santificados na verdade.

[20] Não rogo somente por estes, mas também por aqueles que vierem a crer em mim, por intermédio da sua palavra;

[21] a fim de que todos sejam um; e como és tu, ó Pai, em mim e eu em ti, também sejam eles em nós; para que o mundo creia que tu me enviaste.

[22] Eu lhes tenho transmitido a glória que me tens dado, para que sejam um, como nós o somos;

[23] eu neles, e tu em mim, a fim de que sejam aperfeiçoados na unidade, para que

[12]Fad a bhí mé faru, choinnigh mé iad i d'ainm - an t-ainm a chuir tú faoi mo chúram, agus thug mé aire dóibh, agus níor imigh íde ar aon duine acu, ach ar mhac na híde, ionas go gcomhlíonfaí an scrioptúr.

[13]Ach anois táim ag teacht ag triall ort, agus tá an chaint seo á rá agam ar an saol, ionas go mbeadh an lúcháir is liomsa go hiomlán acu iontu féin.

[14]Thug mé dóibh do bhriathar, agus thug an saol fuath dóibh, óir ní den saol iad, faoi mar nach den saol mise.

[15]Nílim á ghuí go dtógfá as an saol iad, ach go gcoinneofá ón Olc iad.

[16]Ní den saol iad, faoi mar nach den saol mise.

[17]Déan iad a naomhú san fhírinne. Is fírinne do bhriathar.

[18]Faoi mar a chuir tusa mise uait isteach sa saol, chuir mise iadsan isteach sa saol.

[19]Naomhaím mé féin ar a son, ionas go mbeidh siadsan, chomh maith, naomhaithe san fhírinne.

[20]Ní ar a son-san amháin atáim ag guí, ach, mar an gcéanna, ar son na ndaoine a chreidfidh ionam trína mbriathar;

[21]ionas go mba aon iad go léir, faoi mar atá tusa, a Athair, ionamsa agus mise ionatsa; go mbeidís seo ina n-aon ionainn i dtreo go gcreidfidh an saol gur chuir tú uait mé.

[22]Agus an ghlóir a thug tú dom, thug mise dóibhsean é, ionas go mba aon iad faoi mar is aon sinne;

[23]mise iontu-san, agus tusa ionam-sa, ionas go mba aon iad go foirfe, agus go mbeadh a fhios

o mundo conheça que tu me enviaste e os amaste, como também amaste a mim.

[24] Pai, a minha vontade é que onde eu estou, estejam também comigo os que me deste, para que vejam a minha glória que me conferiste, porque me amaste antes da fundação do mundo.

[25] Pai justo, o mundo não te conheceu; eu, porém, te conheci, e também estes compreenderam que tu me enviaste.

[26] Eu lhes fiz conhecer o teu nome e ainda o farei conhecer, a fim de que o amor com que me amaste esteja neles, e eu neles esteja.

ag an saol gur chuir tú uait mé, agus gur thug tú grá dóibh seo faoi mar a thug tú grá domsa.

[24]A Athair, an mhuintir a thug tú dom, is mian liom, an áit ina bhfuilimse, iadsan a bheith ann mar aon liom, ionas go bhfeicfidh siad mo ghlóir, an ghlóir a thug tú dom; mar gur thug tú grá dom roimh chruthú an domhain.

[25]A Athair na córa, ní raibh aithne ag an saol ort; ach bhí aithne agamsa ort, agus bhí a fhios acu seo gur chuir tú uait mé.

[26]Agus thug mé dóibh, agus tabharfaidh, eolas ar d'ainm, ionas, an grá a thug tú dom, go mbeadh sé iontu seo, agus mise iontu."

João 18

Jesus no Getsêmani

Mateus 26.47-56; Marcos 14.43-50; Lucas 22.47-53

[1] Tendo Jesus dito estas palavras, saiu juntamente com seus discípulos para o outro lado do ribeiro Cedrom, onde havia um jardim; e aí entrou com eles.

[2] E Judas, o traidor, também conhecia aquele lugar, porque Jesus ali estivera muitas vezes com seus discípulos.

[3] Tendo, pois, Judas recebido a escolta e, dos principais sacerdotes e dos fariseus, alguns guardas, chegou a este lugar com lanternas, tochas e armas.

[4] Sabendo, pois, Jesus todas as coisas que sobre ele haviam de vir, adiantou-se e perguntou-lhes: A quem buscais?

[5] Responderam-lhe: A Jesus, o Nazareno. Então, Jesus lhes disse: Sou eu. Ora, Judas, o traidor, estava também com eles.

Eoin 18

Íosa á Ghabháil

[1]Ar rá na bhfocal sin dó chuaigh Íosa amach, mar aon lena dheisceabail, thar chaise Chidreon. Bhí gairdín ansiúd agus chuaigh sé isteach ann, é féin agus a dheisceabail.

[2]Ba eol an áit do Iúdás, fear a bhraite, mar ba mhinic a chastaí Íosa ann in éineacht lena dheisceabail.

[3]Mar sin, is ann a chuaigh Iúdás agus gasra saighdiúirí aige, agus póilíní ó uachtaráin na sagart agus ó na Fairisínigh, agus lóchrainn acu agus tóirsí agus arm faobhair.

[4]Ó bhí a fhios ag Íosa an uile ní dá raibh le teacht air, ghabh sé amach agus dúirt sé leo: "Cé tá uaibh?"

[5]D'fhreagair siad é: "Íosa ó Nazarat." Dúirt Íosa leo: "Is mise é." Bhí Iúdás, fear a bhraite, ansiúd in éineacht leo.

[6] Quando, pois, Jesus lhes disse: Sou eu, recuaram e caíram por terra.

[7] Jesus, de novo, lhes perguntou: A quem buscais? Responderam: A Jesus, o Nazareno.

[8] Então, lhes disse Jesus: Já vos declarei que sou eu; se é a mim, pois, que buscais, deixai ir estes;

[9] para se cumprir a palavra que dissera: Não perdi nenhum dos que me deste.

[10] Então, Simão Pedro puxou da espada que trazia e feriu o servo do sumo sacerdote, cortando-lhe a orelha direita; e o nome do servo era Malco.

[11] Mas Jesus disse a Pedro: Mete a espada na bainha; não beberei, porventura, o cálice que o Pai me deu?

Jesus perante Anás

[12] Assim, a escolta, o comandante e os guardas dos judeus prenderam Jesus, manietaram-no

[13] e o conduziram primeiramente a Anás; pois era sogro de Caifás, sumo sacerdote naquele ano.

[14] Ora, Caifás era quem havia declarado aos judeus ser conveniente morrer um homem pelo povo.

Pedro nega a Jesus

Mateus 26.69-75; Marcos 14.66-72; Lucas 22.55-62

[15] Simão Pedro e outro discípulo seguiam a Jesus. Sendo este discípulo conhecido do sumo sacerdote, entrou para o pátio deste com Jesus.

[16] Pedro, porém, ficou de fora, junto à porta. Saindo, pois, o outro discípulo, que

[6]Nuair a dúirt Íosa leo: “Is mise é,” tharraing siad siar agus thit siad ar an talamh.

[7]D'fhiafraigh sé díobh arís: “Cé tá uaibh?” “Íosa ó Nazarat,” ar siad.

[8]D'fhreagair Íosa: “Dúirt mé libh gur mise é. Mar sin, más mise atá uaibh, scaoiligí chun siúil iad seo” -

[9]chun go gcomhlíonfaí an focal a dúirt sé - “Na daoine a thug tú dom, níor chaill mé aon duine díobh.”

[10]Bhí claíomh ag Síomón Peadar agus tharraing sé é, agus bhuail sé seirbhíseach an ardsagairt gur bhain an chluas dheas de.

[11]Malcas a ba ainm don seirbhíseach. Dúirt Íosa le Peadar: “Cuir an claíomh ar ais ina thruaill. An cupa a thug an tAthair dom, nach n-ólfaidh mé é?”

Íosa os comhair Annas agus Cháiafas

[12]Ansin, gasra na saighdiúirí agus an captaen a bhí orthu, agus na póilíní Giúdacha, rinne siad Íosa a ghabháil agus a cheangal,

[13]agus sheol siad ar dtús go dtí Annas é, mar ba é athair céile Cháiafas é a bhí ina ardsagart an bhliain sin.

[14]Ba é Cáiafas seo a thug an chomhairle úd do na Giúdaigh gurbh é a leas é go bhfaigheadh aon duine amháin bás ar son an phobail.

[15]Rinne Síomón agus deisceabal eile Íosa a leanúint. Ba aithnid an deisceabal sin don ardsagart, agus mar sin chuaigh sé isteach le Íosa i gcúirt an ardsagairt,

[16]ach d'fhan Peadar ina sheasamh ag an doras lasmuigh. Ansin chuaigh an deisceabal eile

era conhecido do sumo sacerdote, falou com a encarregada da porta e levou a Pedro para dentro.

[17] Então, a criada, encarregada da porta, perguntou a Pedro: Não és tu também um dos discípulos deste homem? Não sou, respondeu ele.

[18] Ora, os servos e os guardas estavam ali, tendo acendido um braseiro, por causa do frio, e aquentavam-se. Pedro estava no meio deles, aquentando-se também.

Anás interroga a Jesus

[19] Então, o sumo sacerdote interrogou a Jesus acerca dos seus discípulos e da sua doutrina.

[20] Declarou-lhe Jesus: Eu tenho falado francamente ao mundo; ensinei continuamente tanto nas sinagogas como no templo, onde todos os judeus se reúnem, e nada disse em oculto.

[21] Por que me interrogas? Pergunta aos que ouviram o que lhes falei; bem sabem eles o que eu disse.

[22] Dizendo ele isto, um dos guardas que ali estavam deu uma bofetada em Jesus, dizendo: É assim que falas ao sumo sacerdote?

[23] Replicou-lhe Jesus: Se falei mal, dá testemunho do mal; mas, se falei bem, por que me feres?

[24] Então, Anás o enviou, manietado, à presença de Caifás, o sumo sacerdote.

De novo, Pedro nega a Jesus

[25] Lá estava Simão Pedro, aquentando-se. Perguntaram-lhe, pois: És tu, porventura,

amach - é seo a ba aithnid don ardsagart - labhair leis an mbandoirseoir agus thug Peadar isteach.

[17]Labhair an bandoirseoir ansin le Peadar: “An ea gur duine thú de dheisceabail an fhir seo?” Dúirt seisean: “Ní hea.”

[18]Bhí na seirbhísigh agus na póilíní tar éis tine ghualaigh a chur síos mar bhí sé fuar, agus bhí siad ina seasamh á ngoradh féin. Bhí Peadar comh maith ina sheasamh in éineacht leo, á ghoradh féin.

[19]Cheistigh an t-ardsagart Íosa ansin i dtaobh a dheisceabal agus a theagaisc.

[20]D'fhreagair Íosa é: “Labhair mé go poiblí leis an saol. Rinne mé teagasc i gcónaí i láthair sionagóige agus sa Teampall, mar a dtagann na Giúdaigh uile le chéile, agus níor dhúirt mé aon ní faoi rún.

[21]Cén fáth a bhfuil tú do mo cheistiú-sa? Ceistigh iad siúd a chuala mé faoina ndúirt mé leo. Is iadsan, féach, a bhfuil a fhios acu cad a dúirt mé.”

[22]Le linn na cainte sin dó, duine de na póilíní a bhí ina sheasamh láimh leis, bhuail sé buille boise ar Íosa á rá: “An mar sin a fhreagraíonn tú an t-ardsagart?”

[23]D'fhreagair Íosa é: “Má labhair mé go héagóir, cruthaigh an éagóir; ach má labhair mé go ceart, cén fáth a mbuaileann tú mé?”

[24]Ansin chuir Annas uaidh ar ceangal é ag triall ar Cháiafas an t-ardsagart.

[25]Bhí Síomón Peadar ina sheasamh ansiúd á ghoradh féin. Dúirt siad leis: “Nach duine dá

um dos discípulos dele? Ele negou e disse: Não sou.

[26] Um dos servos do sumo sacerdote, parente daquele a quem Pedro tinha decepado a orelha, perguntou: Não te vi eu no jardim com ele?

[27] De novo, Pedro o negou, e, no mesmo instante, cantou o galo.

Jesus perante Pilatos

Mateus 27.1-2; Marcos 15.1; Lucas 23.1

[28] Depois, levaram Jesus da casa de Caifás para o pretório. Era cedo de manhã. Eles não entraram no pretório para não se contaminarem, mas poderem comer a Páscoa.

[29] Então, Pilatos saiu para lhes falar e lhes disse: Que acusação trazeis contra este homem?

[30] Responderam-lhe: Se este não fosse malfeitor, não to entregaríamos.

[31] Replicou-lhes, pois, Pilatos: Tomai-o vós outros e julgai-o segundo a vossa lei. Responderam-lhe os judeus: A nós não nos é lícito matar ninguém;

[32] para que se cumprisse a palavra de Jesus, significando o modo por que havia de morrer.

Pilatos interroga a Jesus

Mateus 27.11-26; Marcos 15.1-15; Lucas 23.1-7,13-25

[33] Tornou Pilatos a entrar no pretório, chamou Jesus e perguntou-lhe: És tu o rei dos judeus?

[34] Respondeu Jesus: Vem de ti mesmo esta pergunta ou to disseram outros a meu respeito?

dheisceabail thusa chomh maith?" Shéan seisean é: "Ní hea," ar sé.

[26]Dúirt duine de sheirbhísigh an ardsagairt, gaol don duine ar bhain Peadar an chluas de: "Nach bhfaca mé thú sa ghairdín in éineacht leis?"

[27]Shéan Peadar arís é, agus ghlaoigh an coileach láithreach.

Íosa os comhair Phioláit

[28]Sheol siad Íosa ansin ó Cháiafas go dtí an Préatóiriam. Bhí sé moch ar maidin. Ní dheachaigh siad isteach sa Phréatóiriam ionas nach dtruailleofaí iad, ach go mba fhéidir dóibh an cháisc a ithe.

[29]Mar sin, tháinig Pioláit amach chucu agus dúirt: "Cén cion atá sibh a chur i leith an duine seo?"

[30]D'fhreagair siad: "Mura mbeadh gur choirpeach é seo," ar siad leis, "ní thabharfaimis ar láimh duit é."

[31]Dúirt Pioláit leo: "Tógaigí féin é, agus triailigí é de réir bhur ndlí féin." Dúirt na Giúdaigh leis: "Ní dleathach dúinne aon duine a chur chun báis" -

[32]chun go gcomhlíonfaí an focal a dúirt Íosa á chur in iúl cén sórt báis ba dhán dó a fháil.

[33]Ansin chuaigh Pioláit isteach sa Phréatóiriam arís ag glaoch ar Íosa agus dúirt sé leis: "An tusa rí na nGiúdach?"

[34]D'fhreagair Íosa: "An uait féin a deir tú an méid sin, nó an daoine eile a dúirt leat é mar gheall orm?"

[35] Replicou Pilatos: Porventura, sou judeu? A tua própria gente e os principais sacerdotes é que te entregaram a mim. Que fizeste?

[36] Respondeu Jesus: O meu reino não é deste mundo. Se o meu reino fosse deste mundo, os meus ministros se empenhariam por mim, para que não fosse eu entregue aos judeus; mas agora o meu reino não é daqui.

[37] Então, lhe disse Pilatos: Logo, tu és rei? Respondeu Jesus: Tu dizes que sou rei. Eu para isso nasci e para isso vim ao mundo, a fim de dar testemunho da verdade. Todo aquele que é da verdade ouve a minha voz.

[38] Perguntou-lhe Pilatos: Que é a verdade? Tendo dito isto, voltou aos judeus e lhes disse: Eu não acho nele crime algum.

[39] É costume entre vós que eu vos solte alguém por ocasião da Páscoa; quereis, pois, que vos solte o rei dos judeus?

[40] Então, gritaram todos, novamente: Não este, mas Barrabás! Ora, Barrabás era salteador.

João 19

[1] Então, por isso, Pilatos tomou a Jesus e mandou açoitá-lo.

[2] Os soldados, tendo tecido uma coroa de espinhos, puseram-lha na cabeça e vestiram-no com um manto de púrpura.

[3] Chegavam-se a ele e diziam: Salve, rei dos judeus! E davam-lhe bofetadas.

[35]D'fhreagair Pioláit: “An Giúdach mise? Do náisiún féin agus uachtaráin na sagart a thug ar láimh dom tú. Cad tá déanta agat?”

[36]D'fhreagair Íosa: “Ní den saol seo mo ríocht. Dá mba den saol seo mo ríocht, throidfeadh mo sheirbhísigh ionas nach dtabharfaí ar láimh do na Giúdaigh mé. Ach anois ní as seo mo ríocht.”

[37]Dúirt Pioláit leis: “Ach is rí thú ámh?” D'fhreagair Íosa: “De réir mar a deir tú, is rí mé. Chuige seo a rugadh mé agus chuige seo a tháinig mé ar an saol - chun fianaise a thabhairt ar an bhfírinne. Gach aon duine gur den fhírinne é, éisteann sé le mo ghlór.”

[38]Dúirt Pioláit leis: “Cad is fírinne ann?” Agus arna rá sin dó, ghabh sé amach arís chun na nGiúdach, agus dúirt leo: “Ní fhaighim aon chúis daortha ann.

[39]Ach tá nós agaibh go scaoilfinn príosúnach chugaibh sa Cháisc. Ar mhaith libh go scaoilfinn chugaibh rí na nGiúdach?”

[40]Ach scread siad amach arís: “Ní hé seo, ach Barabas.” Agus robálaí a ba ea Barabas.

Eoin 19

[1]Ansin ghabh Pioláit Íosa agus sciúrsáil sé é.

[2]Agus rinne na saighdiúirí coróin a fhí de dheilgneach agus í a bhualadh ar a cheann. Ansin ghléas siad faoi bhrat corcra é,

[3]agus ag teacht dóibh ina ghar, deiridís: “Sé do bheatha, a rí na nGiúdach!” agus bhuail siad lena mbosa é.

[4] Outra vez saiu Pilatos e lhes disse: Eis que eu vo-lo apresento, para que saibais que eu não acho nele crime algum.

[5] Saiu, pois, Jesus trazendo a coroa de espinhos e o manto de púrpura. Disse-lhes Pilatos: Eis o homem!

[6] Ao verem-no, os principais sacerdotes e os seus guardas gritaram: Crucifica-o! Crucifica-o! Disse-lhes Pilatos: Tomai-o vós outros e crucificai-o; porque eu não acho nele crime algum.

[7] Responderam-lhe os judeus: Temos uma lei, e, de conformidade com a lei, ele deve morrer, porque a si mesmo se fez Filho de Deus.

[8] Pilatos, ouvindo tal declaração, ainda mais atemorizado ficou,

[9] e, tornando a entrar no pretório, perguntou a Jesus: Donde és tu? Mas Jesus não lhe deu resposta.

[10] Então, Pilatos o advertiu: Não me respondes? Não sabes que tenho autoridade para te soltar e autoridade para te crucificar?

[11] Respondeu Jesus: Nenhuma autoridade terias sobre mim, se de cima não te fosse dada; por isso, quem me entregou a ti maior pecado tem.

[12] A partir deste momento, Pilatos procurava soltá-lo, mas os judeus clamavam: Se soltas a este, não és amigo de César! Todo aquele que se faz rei é contra César!

[4]Chuaigh Pioláit amach arís agus dúirt sé leo: “Féach, táim á thabhairt amach chugaibh, chun go mbeadh a fhios agaibh nach bhfaighim cúis daortha ann.”

[5]Tháinig Íosa amach ansin, an chróin dheilgneach air agus an brat corcra, agus dúirt [Pioláit] leo: “Siúd é an duine!”

[6]Nuair a chonaic uachtaráin na sagart agus a muintir é, scread siad amach: “Céas é! Céas é!” Dúirt Pioláit leo: “Tógaigí sibhse é agus céasaigí é, óir ní fhaighimse cúis daortha ann.”

[7]D'fhreagair na Giúdaigh é: “Tá dlí againne, agus, de réir an dlí sin, tá d'fhiacha air bás a fháil mar go ndearna sé Mac Dé de féin.”

[8]Nuair a chuala Pioláit an chaint sin, ba mhó ná riamh a eagla.

[9]Chuaigh sé isteach sa Phréatóiriam arís agus dúirt le Íosa: “Cad as duit?” Ach níor thug Íosa aon fhreagra air.

[10]Dúirt Pioláit leis ansin: “An ea nach labhróidh tú liom? Nach bhfuil a fhios agat go bhfuil ar mo chumas thú a chéasadh agus go bhfuil ar mo chumas thú a scaoileadh saor?”

[11]D'fhreagair Íosa: “Ní bheadh cumas ar bith agat orm mura mbeadh é á thabhairt duit ó lastuas. Agus dá bhrí sin, an té a thug ar láimh duit mé, is mó an peaca atá air.”

Íosa á Dhaoradh

[12]Agus as sin amach bhí Pioláit ag iarraidh é a scaoileadh. Ach chuir na Giúdaigh na gártha suas: “Má scaoileann tú an duine seo saor,” ar siad, “ní cara do Chéasar thú; gach duine a dhéanann rí de féin, ag cur in aghaidh Chéasair a bhíonn.”

[13] Ouvindo Pilatos estas palavras, trouxe Jesus para fora e sentou-se no tribunal, no lugar chamado Pavimento, no hebraico Gabatá.

[14] E era a parasceve pascal, cerca da hora sexta; e disse aos judeus: Eis aqui o vosso rei.

[15] Eles, porém, clamavam: Fora! Fora! Crucifica-o! Disse-lhes Pilatos: Hei de crucificar o vosso rei? Responderam os principais sacerdotes: Não temos rei, senão César!

[16] Então, Pilatos o entregou para ser crucificado.

A crucificação

Mateus 27.33-44; Marcos 15.22-32; Lucas 23.33-43

[17] Tomaram eles, pois, a Jesus; e ele próprio, carregando a sua cruz, saiu para o lugar chamado Calvário, Gólgota em hebraico,

[18] onde o crucificaram e com ele outros dois, um de cada lado, e Jesus no meio.

[19] Pilatos escreveu também um título e o colocou no cimo da cruz; o que estava escrito era: JESUS NAZARENO, O REI DOS JUDEUS.

[20] Muitos judeus leram este título, porque o lugar em que Jesus fora crucificado era perto da cidade; e estava escrito em hebraico, latim e grego.

[21] Os principais sacerdotes diziam a Pilatos: Não escrevas: Rei dos judeus, e sim que ele disse: Sou o rei dos judeus.

[22] Respondeu Pilatos: O que escrevi escrevi.

Os soldados deitam sortes

[13]Nuair a chuala Pioláit na focail sin, sheol sé Íosa amach agus chuaigh féin ina shuí breithimh, san áit ar a dtugtar an Chúirt Phábháilte - Gabata atá san Eabhrais air.

[14]Ba é lá an ullmhaithe don Cháisc é, timpeall an séú huair. Dúirt sé leis na Giúdaigh: “Féach, sin é bhur rí!”

[15]Ach chuir siad na gártha suas: “Beir uainn é! Beir uainn é! Céas é!” Dúirt Pioláit leo: “An amhlaidh a chéasfaidh mé bhur rí?” D'fhreagair uachtaráin na sagart: “Níl de rí againne ach Céasar.”

[16]Ansin thug sé suas dóibh é chun a chéasta.

Céasadh Íosa

[17]Rug siad Íosa leo. Rinne sé féin an chros a iompar, agus ghabh sé amach go dtí Áit an Chloiginn - a dtugtar Golgota san Eabhrais air.

[18]Chéas siad é ansiúd agus beirt eile in éineacht leis, duine ar gach taobh, agus Íosa i lár baill.

[19]Scríobh Pioláit fógra le cur ar an gcros, agus ba é an fógra: “Íosa ó Nazarat, rí na nGiúdach.”

[20]Léigh mórán de na Giúdaigh an fógra sin, mar ba ghearr ón gcathair an áit inar céasadh Íosa agus bhí an scríbhinn in Eabhrais, i nGréigis agus i Laidin.

[21]Dúirt ardsagairt na nGiúdach le Pioláit: “Ná scríobh, ‘rí na nGiúdach, ’ ach, ‘dúirt sé seo: Is mé rí na nGiúdach.’ ”

[22]D'fhreagair Pioláit: “An rud atá scríofa agam, tá sé scríofa.”

[23] Os soldados, pois, quando crucificaram Jesus, tomaram-lhe as vestes e fizeram quatro partes, para cada soldado uma parte; e pegaram também a túnica. A túnica, porém, era sem costura, toda tecida de alto a baixo.

[24] Disseram, pois, uns aos outros: Não a rasguemos, mas lancemos sortes sobre ela para ver a quem caberá – para se cumprir a Escritura: Repartiram entre si as minhas vestes e sobre a minha túnica lançaram sortes. Assim, pois, o fizeram os soldados.

[25] E junto à cruz estavam a mãe de Jesus, e a irmã dela, e Maria, mulher de Clopas, e Maria Madalena.

[26] Vendo Jesus sua mãe e junto a ela o discípulo amado, disse: Mulher, eis aí teu filho.

[27] Depois, disse ao discípulo: Eis aí tua mãe. Dessa hora em diante, o discípulo a tomou para casa.

A morte de Jesus

Mateus 27.45-56; Marcos 15.33-41; Lucas 23.44-49

[28] Depois, vendo Jesus que tudo já estava consumado, para se cumprir a Escritura, disse: Tenho sede!

[29] Estava ali um vaso cheio de vinagre. Embeberam de vinagre uma esponja e, fixando-a num caniço de hissopo, lha chegaram à boca.

[30] Quando, pois, Jesus tomou o vinagre, disse: Está consumado! E, inclinando a cabeça, rendeu o espírito.

Um soldado abre o lado de Jesus com uma lança

[23]Nuair a bhí na saighdiúirí tar éis Íosa a chéasadh, thóg siad a chuid éadaigh agus rinne siad ceithre sciar díobh - sciar don saighdiúir acu - agus an t-ionar. Ní raibh uaim ar bith san ionar, ach é fite slan ó bharr anuas.

[24]Mar sin, dúirt siad le chéile: “Ná stróicimis é, ach é a chur ar chrainn cé aige go mbeidh sé” - chun go gcomhlíonfaí an scrioptúr a deir: “Roinn siad mo chuid éadaigh eatarthu, agus chuir siad ar chrainn mo chulaith.” Rinne na saighdiúirí an méid sin.

Máthair Íosa

[25]Bhí ina seasamh le hais chros Íosa, a mháthair, agus deirfiúr a mháthar, Máire Chlópas, agus Máire Mhaigdiléana.

[26]Nuair a chonaic Íosa a mháthair agus an deisceabal a ghráigh sé ina sheasamh lena hais, dúirt sé lena mháthair: “A bhean, sin é do mhac.”

[27]Ansin dúirt sé leis an deisceabal: “Sin í do mháthair.” Agus ón uair sin amach ghlac an deisceabal isteach ina bhaile féin í.

Bás Íosa agus a Adhlacadh

[28]Tar éis an méid sin, ó bhí a fhios ag Íosa go raibh gach ní déanta feasta, chun go gcomhlíonfaí an scrioptúr, dúirt sé: “Tá tart orm.”

[29]Bhí soitheach ansiúd lán d'fhínéagar. Thum siad spúinse as an bhfínéagar agus chuir siad ar bharr chraobh iosóipe é, agus chuir siad chun a bhéil é.

[30]Tar éis dó an fínéagar a ghlacadh dúirt Íosa. “Tá sé curtha i gcrích.” Chrom sé a cheann agus thug uaidh a spiorad.

[31] Então, os judeus, para que no sábado não ficassem os corpos na cruz, visto como era a preparação, pois era grande o dia daquele sábado, rogaram a Pilatos que se lhes quebrassem as pernas, e fossem tirados.

[32] Os soldados foram e quebraram as pernas ao primeiro e ao outro que com ele tinham sido crucificados;

[33] chegando-se, porém, a Jesus, como vissem que já estava morto, não lhe quebraram as pernas.

[34] Mas um dos soldados lhe abriu o lado com uma lança, e logo saiu sangue e água.

[35] Aquele que isto viu testificou, sendo verdadeiro o seu testemunho; e ele sabe que diz a verdade, para que também vós creiais.

[36] E isto aconteceu para se cumprir a Escritura: Nenhum dos seus ossos será quebrado.

[37] E outra vez diz a Escritura: Eles verão aquele a quem traspassaram.

O sepultamento de Jesus

Mateus 27.57-61; Marcos 15.42-47; Lucas 23.50-56

[38] Depois disto, José de Arimatéia, que era discípulo de Jesus, ainda que ocultamente pelo receio que tinha dos judeus, rogou a Pilatos lhe permitisse tirar o corpo de Jesus. Pilatos lho permitiu. Então, foi José de Arimatéia e retirou o corpo de Jesus.

[39] E também Nicodemos, aquele que anteriormente viera ter com Jesus à noite, foi, levando cerca de cem libras de um composto de mirra e aloés.

[31]Ba é lá an ullmhaithe é, agus ionas nach bhfanfadh na coirp ar chros le linn na sabóide - óir ba lá mór sollúnta an tsabóid sin - rinne siad achainí ar Phioláit go ndéanfaí na lorgaí a bhriseadh agus na coirp a chartadh as an tslí.

[32]Mar sin tháinig na saighdiúirí agus bhris siad lorgaí an chéad duine agus an duine eile a céasadh mar aon leis.

[33]Ar theacht dóibh go dtí Íosa, áfach, ó chonaic siad go raibh sé marbh cheana féin, níor bhris siad a lorgaí,

[34]ach rinne duine de na saighdiúirí a chliathán a tholladh le sleá, agus tháinig fuil agus uisce amach as láithreach.

[35]Agus an té a chonaic is aige atá fianaise tugtha air, agus is fíor í an fhianaise, agus tá a fhios aigesean gur fíor a ndeir sé, chun go gcreidfeadh sibhse chomh maith.

[36]Óir tharla an méid sin chun go gcomhlíonfaí an scrioptúr: “Aon chnámh ann ní bhrisfear.”

[37]Agus tá scrioptúr eile a deir: “Breathnóidh siad ar an té a tholl siad.”

[38]Ina dhiaidh sin d'iarr Iósaef ó Airiomatáia cead ar Phioláit - ba dheisceabal d'Íosa é; os íseal, áfach, ar eagla na nGiúdach - corp Íosa a bhreith leis, agus thug Pioláit an cead.

[39]Tháinig sé mar sin agus thóg sé an corp. Níocodaemas freisin - é siúd a tháinig san oíche chuige ar dtús - tháinig sé agus meascán miorra agus aló aige, timpeall céad punt meáchain.

[40] Tomaram, pois, o corpo de Jesus e o envolveram em lençóis com os aromas, como é de uso entre os judeus na preparação para o sepulcro.

[40]Thóg siad corp Íosa dá bhrí sin agus rinne siad é a chuachadh i línéadaí maille le spíosraí, de réir nós adhlactha na nGiúdach.

[41] No lugar onde Jesus fora crucificado, havia um jardim, e neste, um sepulcro novo, no qual ninguém tinha sido ainda posto.

[41]San áit inar céasadh Íosa bhí gairdín, agus sa ghairdín sin bhí tuama nua nár cuireadh aon duine ann riamh roimhe.

[42] Ali, pois, por causa da preparação dos judeus e por estar perto o túmulo, depositaram o corpo de Jesus.

[42]Is ansiúd a chuir siad Íosa, de bhrí gurbh é lá ullmhaithe na nGiúdach é, agus ó bhí an tuama in aice láimhe.

João 20

A ressurreição de Jesus

Mateus 28.1-10; Marcos 16.1-8; Lucas 24.1-12

[1] No primeiro dia da semana, Maria Madalena foi ao sepulcro de madrugada, sendo ainda escuro, e viu que a pedra estava revolvida.

[2] Então, correu e foi ter com Simão Pedro e com o outro discípulo, a quem Jesus amava, e disse-lhes: Tiraram do sepulcro o SENHOR, e não sabemos onde o puseram.

[3] Saiu, pois, Pedro e o outro discípulo e foram ao sepulcro.

[4] Ambos corriam juntos, mas o outro discípulo correu mais depressa do que Pedro e chegou primeiro ao sepulcro;

[5] e, abaixando-se, viu os lençóis de linho; todavia, não entrou.

[6] Então, Simão Pedro, seguindo-o, chegou e entrou no sepulcro. Ele também viu os lençóis,

[7] e o lenço que estivera sobre a cabeça de Jesus, e que não estava com os lençóis, mas deixado num lugar à parte.

Eoin 20

An Tuama Folamh

[1]Agus an chéad lá den tseachtain tháinig Máire Mhaigdiléana go moch, agus an dorchadas fós ann, chun an tuama agus chonaic sí an líog aistrithe ón tuama.

[2]Rith sí ansin agus tháinig sí go dtí Síomón Peadar agus go dtí an deisceabal úd eile ab ionúin le Íosa. “Thog siad an Tiarna as an tuama,” ar sí leo, “agus níl a fhios againn cár chuir siad é.”

[3]Amach le Peadar agus leis an deisceabal eile ansin agus chuaigh siad chun an tuama.

[4]Chrom siad a mbeirt ar rith in éineacht agus rith an deisceabal eile níos luaithe ná Peadar agus is é is túisce a tháinig go dtí an tuama.

[5]Nuair a chrom sé síos chonaic sé na línéadaí ina luí ansiúd, ach ní dheachaigh sé isteach.

[6]Ansin tháinig Síomón Peadar ina dhiaidh agus chuaigh sé isteach sa tuama, agus chonaic sé na línéadaí

[7]agus an brat a bhí ar a cheann - ní i dteannta na línéadaí a bhí sé, ach fillte in aon áit amháin leis féin.

[8] Então, entrou também o outro discípulo, que chegara primeiro ao sepulcro, e viu, e creu.
[9] Pois ainda não tinham compreendido a Escritura, que era necessário ressuscitar ele dentre os mortos.
[10] E voltaram os discípulos outra vez para casa.

Jesus aparece a Maria Madalena
Marcos 16.9-11

[11] Maria, entretanto, permanecia junto à entrada do túmulo, chorando. Enquanto chorava, abaixou-se, e olhou para dentro do túmulo,
[12] e viu dois anjos vestidos de branco, sentados onde o corpo de Jesus fora posto, um à cabeceira e outro aos pés.
[13] Então, eles lhe perguntaram: Mulher, por que choras? Ela lhes respondeu: Porque levaram o meu SENHOR, e não sei onde o puseram.
[14] Tendo dito isto, voltou-se para trás e viu Jesus em pé, mas não reconheceu que era Jesus.
[15] Perguntou-lhe Jesus: Mulher, por que choras? A quem procuras? Ela, supondo ser ele o jardineiro, respondeu: SENHOR, se tu o tiraste, dize-me onde o puseste, e eu o levarei.
[16] Disse-lhe Jesus: Maria! Ela, voltando-se, lhe disse, em hebraico: Raboni (que quer dizer Mestre)!
[17] Recomendou-lhe Jesus: Não me detenhas; porque ainda não subi para meu Pai, mas vai ter com os meus irmãos e

[8]Ansin an deisceabal eile, a tháinig ar dtús chun an tuama, chuaigh sé isteach agus chonaic agus chreid sé.
[9]Óir níor thuig siad go fóill an scrioptúr nárbh fholáir é a aiséirí ó mhairbh.
[10]Ansin d'imigh na deisceabail abhaile arís.

Íosa á Thaispeáint Féin

[11]Agus bhí Máire ina seasamh lasmuigh in aice an tuama agus í ag gol. Sa ghol di chrom sí síos agus d'fhéach isteach sa tuama,
[12]agus chonaic an dá aingeal in éidí geala ina suí mar ar luigh corp Íosa, aingeal acu ag an gceann agus an t-aingeal eile ag na cosa.
[13]“Cén fáth a bhfuil tú ag gol, a bhean,” ar siad léi. “Mar gur thóg siad mo Thiarna,” ar sí leo, “agus nach eol dom cár chuir siad é.”
[14]Arna rá sin di, d'iompaigh sí thart agus chonaic sí Íosa ina sheasamh ansiúd ach nár aithin sí gurbh é Íosa é.
[15]Dúirt Íosa léi: “A bhean, cén fáth a bhfuil tú ag gol? Cé atá uait?” Mheas sí gurbh é an garraíodóir é agus dúirt leis: “A dhuine uasail, más tusa a thóg é, inis dom cár chuir tú é agus tabharfaidh mé liom é.”
[16]“A Mháire,” arsa Íosa léi. D'iompaigh sise agus dúirt as Eabhrais: “Rabúnaí,” is é sin le rá: “A Mháistir!”
[17]“Scaoil liom!” arsa Íosa léi, “óir ní dheachaigh mé suas chun an Athar fós; ach imigh chun mo bhráithre agus abair leo: ‘Táim ag dul suas chun m'Atharsa agus chun bhur

dize-lhes: Subo para meu Pai e vosso Pai, para meu Deus e vosso Deus.

nAtharsa, chun mo Dhé-se agus chun bhur nDé-se.' "

[18] Então, saiu Maria Madalena anunciando aos discípulos: Vi o SENHOR! E contava que ele lhe dissera estas coisas.

[18]Tháinig Máire Mhaigdiléana leis an scéala do na deisceabail: "Chonaic mé an Tiarna," agus go ndúirt sé na nithe sin léi.

Jesus aparece aos discípulos

Lucas 24.36-43

[19] Ao cair da tarde daquele dia, o primeiro da semana, trancadas as portas da casa onde estavam os discípulos com medo dos judeus, veio Jesus, pôs-se no meio e disse-lhes: Paz seja convosco!

[19]Tráthnóna an lae chéanna, an chéad lá den tseachtain, agus na doirse faoi ghlas le heagla na nGiúdach, san áit ina raibh na deisceabail, tháinig Íosa agus sheas ina measc agus dúirt leo: "Síocháin daoibh!"

[20] E, dizendo isto, lhes mostrou as mãos e o lado. Alegraram-se, portanto, os discípulos ao verem o SENHOR.

[20]Á rá sin dó, thaispeáin sé dóibh a lámha agus a chliathán. Bhí áthas ar na deisceabail nuair a chonaic siad an Tiarna.

[21] Disse-lhes, pois, Jesus outra vez: Paz seja convosco! Assim como o Pai me enviou, eu também vos envio.

[21]Dúirt Íosa leo ansin arís: "Síocháin daoibh! Amhail mar a chuir an tAthair uaidh mise, táimse do bhur gcursa uaim freisin."

[22] E, havendo dito isto, soprou sobre eles e disse-lhes: Recebei o Espírito Santo.

[22]Arna rá sin dó, d'análaigh sé orthu agus dúirt leo: "Glacaigí an Spiorad Naomh.

[23] Se de alguns perdoardes os pecados, são-lhes perdoados; se lhos retiverdes, são retidos.

[23]Na daoine a maithfidh sibh a bpeacaí dóibh, beidh siad maite dóibh; na daoine a gcoinneoidh sibh a bpeacaí, beidh a bpeacaí coinnithe."

A incredulidade de Tomé

[24] Ora, Tomé, um dos doze, chamado Dídimo, não estava com eles quando veio Jesus.

[24]Tomás, duine den dáréag ar a dtugtaí an Leathchúpla, ní raibh sé leo nuair a tháinig Íosa.

[25] Disseram-lhe, então, os outros discípulos: Vimos o SENHOR. Mas ele respondeu: Se eu não vir nas suas mãos o sinal dos cravos, e ali não puser o dedo, e não puser a mão no seu lado, de modo algum acreditarei.

[25]Dúirt na deisceabail eile leis: "Chonaiceamar an Tiarna." Ach dúirt seisean leo: "Mura bhfeicfidh mé rian na dtairní ar a dhearnana, agus mo mhéar a chur i bpoll na dtairní, agus mo lámh ina chliathán, ní chreidfidh mé."

Jesus aparece novamente aos discípulos

[26] Passados oito dias, estavam outra vez ali reunidos os seus discípulos, e Tomé, com

[26]Ocht lá ina dhiaidh sin, bhí a dheisceabail istigh arís, agus Tomás in éineacht leo.

eles. Estando as portas trancadas, veio Jesus, pôs-se no meio e disse-lhes: Paz seja convosco!

Tháinig Íosa agus na doirse faoi ghlas, sheas sé ina measc agus dúirt: “Síocháin daoibh!”

[27] E logo disse a Tomé: Põe aqui o dedo e vê as minhas mãos; chega também a mão e põe-na no meu lado; não sejas incrédulo, mas crente.

[27]Ansin dúirt sé le Tomás: “Tabhair i leith do mhéar agus féach mo dhearnana, sín amach do lámh agus cuir i mo chliathán í, agus ná bí díchreidmheach ach creidmheach.”

[28] Respondeu-lhe Tomé: SENHOR meu e Deus meu!

[28]D'fhreagair Tomás: “Mo Thiarna agus mo Dhia!”

[29] Disse-lhe Jesus: Porque me viste, creste? Bem-aventurados os que não viram e creram.

[29]Dúirt Íosa leis: “De bhrí go bhfaca tú mé, a Thomáis, chreid tú. Is méanar dóibh seo nach bhfaca agus a chreid.”

O objetivo deste Evangelho

Dúnadh

[30] Na verdade, fez Jesus diante dos discípulos muitos outros sinais que não estão escritos neste livro.

[30]Bhí go leor fearta eile fós a rinne Íosa os comhair a dheisceabal, agus níl aon chur síos orthu sa leabhar seo.

[31] Estes, porém, foram registrados para que creiais que Jesus é o Cristo, o Filho de Deus, e para que, crendo, tenhais vida em seu nome.

[31]Ach cuireadh an méid sin i scríbhinn chun go gcreidfeadh sibh gurb é Íosa an Criost, Mac Dé, agus á chreidiúint go mbeadh an bheatha agaibh ina ainm.

João 21

Jesus aparece a sete discípulos

[1] Depois disto, tornou Jesus a manifestar-se aos discípulos junto do mar de Tiberíades; e foi assim que ele se manifestou:

[2] estavam juntos Simão Pedro, Tomé, chamado Dídimo, Natanael, que era de Caná da Galiléia, os filhos de Zebedeu e mais dois dos seus discípulos.

[3] Disse-lhes Simão Pedro: Vou pescar. Disseram-lhe os outros: Também nós vamos contigo. Saíram, e entraram no barco, e, naquela noite, nada apanharam.

Eoin 21

Aguisín

[1]Ina dhiaidh sin thaispeáin Íosa é féin arís do na deisceabail ag Muir Thibirias, agus seo mar a thaispeáin:

[2]Bhí i bhfochair a chéile: Síomón Peadar, Tomás an Leathchúpla, Natanael ó Chána na Gailíle, agus clann Zeibidé, agus beirt eile dá dheisceabail.

[3]Dúirt Síomón Peadar leo: “Táimse ag dul ag iascach.” “Rachaimidne leat,” ar siad. D'imigh siad mar sin agus isteach sa bhád leo, ach an oíche sin níor rug siad ar bhreac.

[4] Mas, ao clarear da madrugada, estava Jesus na praia; todavia, os discípulos não reconheceram que era ele.

[5] Perguntou-lhes Jesus: Filhos, tendes aí alguma coisa de comer? Responderam-lhe: Não.

[6] Então, lhes disse: Lançai a rede à direita do barco e achareis. Assim fizeram e já não podiam puxar a rede, tão grande era a quantidade de peixes.

[7] Aquele discípulo a quem Jesus amava disse a Pedro: É o SENHOR! Simão Pedro, ouvindo que era o SENHOR, cingiu-se com sua veste, porque se havia despido, e lançou-se ao mar;

[8] mas os outros discípulos vieram no barquinho puxando a rede com os peixes; porque não estavam distantes da terra senão quase duzentos côvados.

[9] Ao saltarem em terra, viram ali umas brasas e, em cima, peixes; e havia também pão.

[10] Disse-lhes Jesus: Trazei alguns dos peixes que acabastes de apanhar.

[11] Simão Pedro entrou no barco e arrastou a rede para a terra, cheia de cento e cinqüenta e três grandes peixes; e, não obstante serem tantos, a rede não se rompeu.

[12] Disse-lhes Jesus: Vinde, comei. Nenhum dos discípulos ousava perguntar-lhe: Quem és tu? Porque sabiam que era o SENHOR.

[13] Veio Jesus, tomou o pão, e lhes deu, e, de igual modo, o peixe.

[4]Nuair a tháinig an mhaidin, bhí Íosa ina sheasamh ar an trá, ach ní raibh a fhios ag a dheisceabail gurbh é Íosa é.

[5]Dúirt Íosa leo: “Níl aon iasc agaibh, an bhfuil, a chlann ó?” “Níl,” ar siad á fhreagairt.

[6]Dúirt sé leo: “Cuirigí an eangach amach ar dheis na loinge, agus gheobhaidh sibh iasc.” Rinne siad cor dá bhrí sin agus láithreach bhí ag teip orthu an eangach a tharraingt, bhí an oiread sin iasc inti.

[7]Ansin an deisceabal ab ionúin le Íosa, dúirt sé le Peadar: “Is é an Tiarna é.” Nuair a chuala Peadar dá bhrí sin gurbh é an Tiarna é, chuir sé a bhrat uime - mar bhí sé gan é - agus chaith sé é féin isteach san fharraige.

[8]Ach tháinig na deisceabail eile sa long mar níorbh fhada ón talamh iad, ach timpeall dhá chéad banlámh; agus tharraing siad an eangach lán d'iasc ina ndiaidh.

[9]Nuair a tháinig siad i dtír mar sin, chonaic siad arán ansiúd agus tine ghualaigh agus iasc uirthi.

[10]Dúirt Íosa leo: “Tugaigí anseo cuid de na héisc a ghabh sibh anois.”

[11]Ansin chuaigh Peadar ar bord agus tharraing sé an eangach i dtír, agus í lán d'éisc mhóra, céad agus caoga a trí díobh; agus bíodh go raibh siad chomh mór sin níor bhris an eangach.

[12]Dúirt Íosa leo: “Tagaigí agus ithigí.” Ní raibh sé de mhisneach ag aon duine de na deisceabail a fhiafraí de: “Cé hé thú féin?” mar go raibh fhios acu gurbh é an Tiarna é.

[13]Tháinig Íosa agus thóg an t-arán agus thug dóibh é, agus mar an gcéanna leis an iasc.

[14] E já era esta a terceira vez que Jesus se manifestava aos discípulos, depois de ressuscitado dentre os mortos.

[14]Is é sin anois an tríú huair a thaispeáin Íosa é féin do na deisceabail tar éis do aiséirí ó mhairbh.

Pedro é interrogado

[15] Depois de terem comido, perguntou Jesus a Simão Pedro: Simão, filho de João, amas-me mais do que estes outros? Ele respondeu: Sim, SENHOR, tu sabes que te amo. Ele lhe disse: Apascenta os meus cordeiros.

[15]Nuair a bhí bia caite acu dúirt Íosa le Síomón Peadar: “A Shíomóin mhic Eoin, an mó do chion-sa orm ná a gcion seo?” “Sea, a Thiarna,” ar seisean leis, “is eol duit go bhfuil grá agam duit.” Dúirt Íosa leis: “Déan m'uain a chothú.”

[16] Tornou a perguntar-lhe pela segunda vez: Simão, filho de João, tu me amas? Ele lhe respondeu: Sim, SENHOR, tu sabes que te amo. Disse-lhe Jesus: Pastoreia as minhas ovelhas.

[16]Dúirt sé leis an dara huair: “A Shíomóin mhic Eoin, an bhfuil cion agat orm?” “Tá, a Thiarna,” ar seisean leis, “tá a fhios agat go bhfuil grá agam duit.” Dúirt sé leis: “Déan mo chaoirigh a aoireacht.”

[17] Pela terceira vez Jesus lhe perguntou: Simão, filho de João, tu me amas? Pedro entristeceu-se por ele lhe ter dito, pela terceira vez: Tu me amas? E respondeu-lhe: SENHOR, tu sabes todas as coisas, tu sabes que eu te amo. Jesus lhe disse: Apascenta as minhas ovelhas.

[17]Dúirt sé leis an tríú huair: “A Shíomóin mhic Eoin, an bhfuil grá agat dom?” Tháinig buairt ar Pheadar mar go ndúirt sé leis an tríú huair: “An bhfuil grá agat dom?” Agus dúirt sé leis: “A Thiarna, tá fios gach ní agat. Tá a fhios agat go bhfuil grá agam duit.” Dúirt Íosa leis: “Déan mo chaoirigh a chothú.”

[18] Em verdade, em verdade te digo que, quando eras mais moço, tu te cingias a ti mesmo e andavas por onde querias; quando, porém, fores velho, estenderás as mãos, e outro te cingirá e te levará para onde não queres.

[18]“Amen, Amen, a deirim leat. Nuair a bhí tú níos óige, chuirteá féin do chrios umat, agus shiúltá san áit ba thoil leat; ach nuair a thiocfaidh an aois ort, sínfidh tú amach do lámha, agus cuirfidh duine eile do chrios umat, agus seolfaidh sé thú san áit nach toil leat.”

[19] Disse isto para significar com que gênero de morte Pedro havia de glorificar a Deus. Depois de assim falar, acrescentou-lhe: Segue-me.

[19]Dúirt sé an méid sin lena chur in iúl cad é an sort báis lena dtabharfadh sé glóir do Dhia. Agus nuair a bhí an méid sin ráite aige dúirt sé: “Lean mise.”

[20] Então, Pedro, voltando-se, viu que também o ia seguindo o discípulo a quem Jesus amava, o qual na ceia se reclinara

[20]D'iompaigh Peadar agus chonaic sé á leanuint an deisceabal ar thug Íosa grá dó, an

sobre o peito de Jesus e perguntara: SENHOR, quem é o traidor?

[21] Vendo-o, pois, Pedro perguntou a Jesus: E quanto a este?

[22] Respondeu-lhe Jesus: Se eu quero que ele permaneça até que eu venha, que te importa? Quanto a ti, segue-me.

[23] Então, se tornou corrente entre os irmãos o dito de que aquele discípulo não morreria. Ora, Jesus não dissera que tal discípulo não morreria, mas: Se eu quero que ele permaneça até que eu venha, que te importa?

O testemunho de João

[24] Este é o discípulo que dá testemunho a respeito destas coisas e que as escreveu; e sabemos que o seu testemunho é verdadeiro.

[25] Há, porém, ainda muitas outras coisas que Jesus fez. Se todas elas fossem relatadas uma por uma, creio eu que nem no mundo inteiro caberiam os livros que seriam escritos.

té a luigh ar a ucht ag an suipéar agus a dúirt: "A Thiarna, cé atá chun tú a bhrath?"

[21]Nuair a chonaic Peadar é sin dá bhrí sin, dúirt sé le Íosa: "Cad mar gheall air seo?"

[22]Dúirt Íosa leis: "Más mian liom é a fhanacht go dtaga mé, cad é sin duitse? Lean-sa mise."

[23]Bhí sé ina scéal reatha dá bhrí sin i measc na mbráithre nach bhfaigheadh an deisceabal sin bás. Ach níor dhúirt Íosa leis: "Ní bhfaighidh sé bás"; ach: "Más mian liom é a fhanacht go dtaga mé, cad é sin duitse?"

Clabhsúr

[24]Sin é an deisceabal a thugann fianaise i dtaobh na nithe sin, agus a scríobh na nithe sin agus tá a fhios againn gur fíor í a fhianaise.

[25]Tá a lán nithe eile a rinne Íosa agus dá scríofaí iad ina gceann is ina gceann, ní bheadh, dar liom, slí ar domhan féin do na leabhair a bheadh á scríobh.

Atos dos Apóstolos

Atos 1

Prólogo

[1] Escrevi o primeiro livro, ó Teófilo, relatando todas as coisas que Jesus começou a fazer e a ensinar

[2] até ao dia em que, depois de haver dado mandamentos por intermédio do Espírito Santo aos apóstolos que escolhera, foi elevado às alturas.

[3] A estes também, depois de ter padecido, se apresentou vivo, com muitas provas incontestáveis, aparecendo-lhes durante quarenta dias e falando das coisas concernentes ao reino de Deus.

[4] E, comendo com eles, determinou-lhes que não se ausentassem de Jerusalém, mas que esperassem a promessa do Pai, a qual, disse ele, de mim ouvistes.

[5] Porque João, na verdade, batizou com água, mas vós sereis batizados com o Espírito Santo, não muito depois destes dias.

A ascensão de Jesus

[6] Então, os que estavam reunidos lhe perguntaram: SENHOR, será este o tempo em que restaures o reino a Israel?

[7] Respondeu-lhes: Não vos compete conhecer tempos ou épocas que o Pai reservou pela sua exclusiva autoridade;

[8] mas recebereis poder, ao descer sobre vós o Espírito Santo, e sereis minhas testemunhas tanto em Jerusalém como em

Gníomhartha

Gníomhartha 1

Orduithe Deireanacha Íosa dá Dheisceabail

[1]Thug mé cuntas cheana, a Theofail, ar gach a ndearna Íosa agus ar ar thug sé de theagasc uaidh ó thús

[2]go dtí an lá a tógadh suas ar neamh é, tar éis dó a chuid orduithe a thabhairt le cabhair an Spioraid Naoimh do na haspail a bhí tofa aige.

[3]I ndiaidh a pháise is iomaí cruthú a thug sé dóibh go raibh sé beo, á nochtadh féin dóibh ar feadh daichead lá agus ag cur síos ar ríocht Dé.

[4]Uair dá raibh sé ina gcuibhreann d'ordaigh sé dóibh gan corraí ó Iarúsailéim ach fanacht ann go dtí go gcomhlíonfaí gealltanas an Athar, “An gealltanas úd,” ar sé, “ar chuala sibh mé ag trácht air:

[5]rinne Eoin baisteadh le huisce, ach déanfar sibhse a bhaisteadh leis an Spiorad Naomh i gceann beagán laethanta.”

[6]Más ea, nuair a bhí siad cruinnithe le chéile, thosaigh siad á cheistiú: “A Thiarna,” ar siad, “an anois atá tú chun ríocht Iosrael a athbhunú?”

[7]Ach d'fhreagair sé iad: “Ní aon chuid de bhur ngnósa é eolas a fháil ar na hamanna na ar na tráthanna atá leagtha amach ag an Athair as a údarás féin.

[8]Ach gheobhaidh sibh neart an Spioraid Naoimh atá le tuirlingt oraibh agus beidh sibh in bhur bhfinnéithe ormsa in Iarúsailéim agus

toda a Judéia e Samaria e até aos confins da terra.

[9] Ditas estas palavras, foi Jesus elevado às alturas, à vista deles, e uma nuvem o encobriu dos seus olhos.

[10] E, estando eles com os olhos fitos no céu, enquanto Jesus subia, eis que dois varões vestidos de branco se puseram ao lado deles

[11] e lhes disseram: Varões galileus, por que estais olhando para as alturas? Esse Jesus que dentre vós foi assunto ao céu virá do modo como o vistes subir.

Os discípulos em Jerusalém

[12] Então, voltaram para Jerusalém, do monte chamado Olival, que dista daquela cidade tanto como a jornada de um sábado.

[13] Quando ali entraram, subiram para o cenáculo onde se reuniam Pedro, João, Tiago, André, Filipe, Tomé, Bartolomeu, Mateus, Tiago, filho de Alfeu, Simão, o Zelote, e Judas, filho de Tiago.

[14] Todos estes perseveravam unânimes em oração, com as mulheres, com Maria, mãe de Jesus, e com os irmãos dele.

A escolha de Matias

[15] Naqueles dias, levantou-se Pedro no meio dos irmãos (ora, compunha-se a assembléia de umas cento e vinte pessoas) e disse:

[16] Irmãos, convinha que se cumprisse a Escritura que o Espírito Santo proferiu anteriormente por boca de Davi, acerca de

ar fud Iúdáia go léir agus na Samáire agus a fhad le himeall an domhain."

An Deascabháil

[9]Ar rá an méid sin dó, tógadh suas os comhair a súl é agus d'ardaigh scamall as a radharc é.

[10]Fad a bhí siad ag stánadh in airde sa spéir ina dhiaidh sheas beirt fhear in éadaí bána ina n-aice.

[11]"A fheara na Gailíle," ar siad, "cad ab áil libh in bhur seasamh ansin ag amharc in airde sa spéir? An Íosa seo a tógadh suas ar neamh uaibh, tiocfaidh sé an tslí chéanna ina bhfaca sibh ag dul suas é."

[12]Ar ais leo ansin go Iarúsailéim ó Chnoc na nOlóg mar a thugtar air, cnoc atá i ngiorracht siúl lá sabóide do Iarúsailéim.

[13]Nuair a shroich siad an chathair chuaigh siad in airde go dtí an seomra uachtarach mar a raibh siad ag baint fúthu: bhí Peadar ann, Eoin agus Séamas, Aindrias, Pilib agus Tomás, Parthalán, Matha agus Séamas Alfáias, Síomón Díograiseach agus Iúdás Shéamais.

[14]Lean siadsan go léir ag guí gan staonadh le chéile mar aon le mná áirithe agus le Muire máthair Íosa agus lena bhráithre.

Maitias á Thoghadh ina Aspal

[15]Lá de na laethanta sin, nuair a bhí tuairim is céad agus fiche duine de shlua le chéile ann, d'éirigh Peadar ina sheasamh os a gcomhair:

[16]"A bhráithre," ar sé, "níorbh fholáir an tuar a theacht faoin tairngreacht úd a labhair an Spiorad Naomh sa scrioptúr trí bhéal Dháiví

Judas, que foi o guia daqueles que prenderam Jesus,

[17] porque ele era contado entre nós e teve parte neste ministério.

[18] (Ora, este homem adquiriu um campo com o preço da iniqüidade; e, precipitando-se, rompeu-se pelo meio, e todas as suas entranhas se derramaram;

[19] e isto chegou ao conhecimento de todos os habitantes de Jerusalém, de maneira que em sua própria língua esse campo era chamado Aceldama, isto é, Campo de Sangue.)

[20] Porque está escrito no Livro dos Salmos: Fique deserta a sua morada; e não haja quem nela habite; e: Tome outro o seu encargo.

[21] É necessário, pois, que, dos homens que nos acompanharam todo o tempo que o SENHOR Jesus andou entre nós,

[22] começando no batismo de João, até ao dia em que dentre nós foi levado às alturas, um destes se torne testemunha conosco da sua ressurreição.

[23] Então, propuseram dois: José, chamado Barsabás, cognominado Justo, e Matias.

[24] E, orando, disseram: Tu, SENHOR, que conheces o coração de todos, revela-nos qual destes dois tens escolhido

[25] para preencher a vaga neste ministério e apostolado, do qual Judas se transviou, indo para o seu próprio lugar.

faoi Iúdás, an fear a rinne eolas na slí dóibh siúd a ghabh Íosa,

[17]tar éis dó bheith ar aon bhuíon linne agus páirt a fháil sa chúram seo."

[18]Mar is eol daoibh cheannaigh an fear seo gort ar luach a choirpeachta, ach thit sé i ndiaidh a chinn, phléasc ina lár agus bhrúcht a inní go léir amach.

[19]Fuair muintir Iarúsailéim ar fad eolas an scéil, agus dá chionn sin tugadh Haicealdamach mar ainm ar an ngort sin ina dteanga féin, is é sin le rá, "Gort na Fola".

[20]"Mar atá scríofa i leabhar na Salm: 'Go raibh a áitreabh ina fhásach, agus gan aoinneach ina chónaí ann.' Agus: 'Tógadh duine eile a fheidhmeannas.'

[21]"Ní foláir, dá bhrí sin, do dhuine acu siúd a bhí ar aon bhuíon linne fad a bhí an Tiarna Íosa ag siúl inar measc,

[22]ón uair a bhí Eoin ag baisteadh go dtí an lá úd a tógadh suas uainn é, ní foláir do dhuine acu siúd a bheith ina fhinné linn ar a aiséirí."

[23]Chuir siad beirt ar aghaidh: Iósaef dá ngoirtí Barsabas agus dar chomhainm Iústas, agus Maitias.

[24]Agus rinne siad guí mar seo: "A Thiarna," ar siad, "ós tú a léann croí an uile dhuine, taispeáin dúinn cé acu den bheirt seo atá tofa agat

[25]chun dul i mbun an chúraim aspalda seo ar thréig Iúdás é chun dul ina áit féin."

[26] E os lançaram em sortes, vindo a sorte recair sobre Matias, sendo-lhe, então, votado lugar com os onze apóstolos.

Atos 2

A descida do Espírito Santo

[1] Ao cumprir-se o dia de Pentecostes, estavam todos reunidos no mesmo lugar;

[2] de repente, veio do céu um som, como de um vento impetuoso, e encheu toda a casa onde estavam assentados.

[3] E apareceram, distribuídas entre eles, línguas, como de fogo, e pousou uma sobre cada um deles.

[4] Todos ficaram cheios do Espírito Santo e passaram a falar em outras línguas, segundo o Espírito lhes concedia que falassem.

O dom de línguas

[5] Ora, estavam habitando em Jerusalém judeus, homens piedosos, vindos de todas as nações debaixo do céu.

[6] Quando, pois, se fez ouvir aquela voz, afluiu a multidão, que se possuiu de perplexidade, porquanto cada um os ouvia falar na sua própria língua.

[7] Estavam, pois, atônitos e se admiravam, dizendo: Vede! Não são, porventura, galileus todos esses que aí estão falando?

[8] E como os ouvimos falar, cada um em nossa própria língua materna?

[9] Somos partos, medos, elamitas e os naturais da Mesopotâmia, Judéia, Capadócia, Ponto e Ásia,

[26]Agus chuir siad ar chrainn é agus thit an crann ar Mhaitias agus airíodh ar an [dáréag] aspal é.

Gníomhartha 2

Teacht an Spioraid Naoimh

[1]Nuair a tháinig Lá Cincíse bhí siad go léir le chéile ar aon láthair.

[2]Agus de phreib tháinig glor ón spéir mar a bheadh séideán gaoithe móire agus líon sé an teach ar fad ina raibh siad ina suí.

[3]Agus chonacthas dóibh mar bheadh teangacha tine ag scaradh ó chéile nó gur shuigh an tine ar gach duine acu;

[4]agus líonadh iad go léir den Spiorad Naomh agus thosaigh siad ag labhairt i dteangacha difriúla de réir mar thug an Spiorad urlabhra dóibh.

[5]Bhí Giúdaigh dhiaganta ó gach cine faoin spéir ag cur fúthu in Iarúsailéim

[6]agus nuair a chualathas an glor úd chruinnigh an slua agus iad ar mearbhall de bhrí gur chuala gach duine a theanga féin á labhairt acusan.

[7]Bhí ionadh agus alltacht orthu: “Féach,” ar siad, “nach Gailíligh iad seo go léir atá ag caint?

[8]Conas a tharlaíonn go gcloiseann gach duine againne iad ag labhairt inár dteanga dhúchais féin?

[9]Táimid Pairtigh ann agus Méidigh agus Eilimítigh, áitritheoirí na Measpatáime agus Iúdáia agus Chapadóise, agus Phontais agus na hÁise,

[10] da Frígia, da Panfília, do Egito e das regiões da Líbia, nas imediações de Cirene, e romanos que aqui residem,

[11] tanto judeus como prosélitos, cretenses e arábios. Como os ouvimos falar em nossas próprias línguas as grandezas de Deus?

[12] Todos, atônitos e perplexos, interpelavam uns aos outros: Que quer isto dizer?

[13] Outros, porém, zombando, diziam: Estão embriagados!

O discurso de Pedro

[14] Então, se levantou Pedro, com os onze; e, erguendo a voz, advertiu-os nestes termos: Varões judeus e todos os habitantes de Jerusalém, tomai conhecimento disto e atentai nas minhas palavras.

[15] Estes homens não estão embriagados, como vindes pensando, sendo esta a terceira hora do dia.

[16] Mas o que ocorre é o que foi dito por intermédio do profeta Joel:

[17] E acontecerá nos últimos dias, diz o SENHOR, que derramarei do meu Espírito sobre toda a carne; vossos filhos e vossas filhas profetizarão, vossos jovens terão visões, e sonharão vossos velhos;

[18] até sobre os meus servos e sobre as minhas servas derramarei do meu Espírito naqueles dias, e profetizarão.

[19] Mostrarei prodígios em cima no céu e sinais embaixo na terra: sangue, fogo e vapor de fumaça.

[10]Frigia agus Paimfíle, áitritheoirí na hÉigipte agus chríocha na Libia thart faoi Chuiréiné, cuairteoirí ón Róimh

[11]idir Ghiúdaigh agus iompaithigh, Créitigh agus Arabaigh, agus cloisimid iad seo ag cur síos inár dteangacha féin ar éachtaí Dé.”

[12]Bhí alltacht agus mearbhall orthu go léir agus deiridís le chéile: “Cad is ciall leis seo?”

[13]Ach is é a deireadh cuid eile acu le teann fonóide: “Lán d'fhíon úr atá siadsan.”

Aitheasc Pheadair

[14]Ansin d'éirigh Peadar ina sheasamh i gcuideachta an Aon Duine Dhéag agus labhair leo de ghuth ard: “A fheara Iúdá,” ar seisean, “agus a mhuintir uile Iarúsailéim, bíodh a fhios agaibh é seo agus tugaigí cluas dá bhfuil á rá agamsa:

[15]Ní ar meisce atá na daoine seo mar is dóigh libhse, mar nach bhfuil sé ach a naoi a chlog ar maidin.

[16]Ní hea, ach is é seo an ní ar thrácht Ióéil fáidh air:

[17]‘Tarlóidh sna laethanta deireanacha, ’ arsa an Tiarna, ‘go ndoirtfidh mé amach mo spiorad ar an uile dhuine, agus déanfaidh bhur gclann mhac agus bhur n-iníonacha tairngreacht. Feicfidh bhur bhfir óga aislingí, agus déanfar taibhreamh do bhur seanóirí.

[18]Doirtfidh mé mo Spiorad sna laethanta sin fiú amháin ar m'óglaigh agus ar mo bhanóglaigh, agus déanfaidh siad tairngreacht.

[19]Déanfaidh mé éachtaí sa spéir in airde agus iontais ar an talamh thíos. Beidh fuil ann agus tine agus gal deataigh.

[20] O sol se converterá em trevas, e a lua, em sangue, antes que venha o grande e glorioso Dia do SENHOR.

[21] E acontecerá que todo aquele que invocar o nome do SENHOR será salvo.

[22] Varões israelitas, atendei a estas palavras: Jesus, o Nazareno, varão aprovado por Deus diante de vós com milagres, prodígios e sinais, os quais o próprio Deus realizou por intermédio dele entre vós, como vós mesmos sabeis;

[23] sendo este entregue pelo determinado desígnio e presciência de Deus, vós o matastes, crucificando-o por mãos de iníquos;

[24] ao qual, porém, Deus ressuscitou, rompendo os grilhões da morte; porquanto não era possível fosse ele retido por ela.

[25] Porque a respeito dele diz Davi: Diante de mim via sempre o SENHOR, porque está à minha direita, para que eu não seja abalado.

[39]Ach ní ghéillfeadh ár sinsir dó: thug siad droim láimhe dó agus d'iompaigh a gcroí ar an Éigipt athuair,

[40]á rá le hÁrón: ‘Déan dúinn déithe a ghluaisfidh romhainn. An Maois seo a sheol as tír na hÉigipte sinn, ní fheadramar cad a d'imigh air, ’

[41]agus rinne siad íomhá lao sna laethanta sin agus d'ofráil íobairt don íol agus rinne siad aoibhneas as saothar a lámh.

[42]Ach d'iompaigh Dia uathu agus lig dóibh adhradh a thabhairt do na ranna neimhe de réir mar atá scríofa i leabhar na bhfáithe: ‘Ní domsa a thug sibh tíolacthaí agus íobairt ar feadh daichead bliain san fhásach, a theaghlach Iosrael;

[43]is both Mholoch a rinne sibh a iompar agus réalt Reafas, bhur ndia; b'shin iad na híomhánna a rinne sibh le hadhradh agus díbreoidh mé sibh thar Bablóin soir.’ ”

[44]“Bhí both an fhoilsithe ag ár sinsir san fhásach. An té úd a bhíodh ag labhairt le Maois, d'ordaigh sé dó í a dhéanamh de réir an phatrúin a bhí feicthe aige.

[45]Fuair an chéad ghlúin eile dár sinsir í mar oidhreacht agus thug siad féin agus Iósua isteach leo í i ndúiche na gciníocha a ruaig Dia amach rompu; agus d'fhan sí ann go dtí aimsir Dháiví.

46 Este achou graça diante de Deus e lhe suplicou a faculdade de prover morada para o Deus de Jacó.

47 Mas foi Salomão quem lhe edificou a casa.

48 Entretanto, não habita o Altíssimo em casas feitas por mãos humanas; como diz o profeta:

49 O céu é o meu trono, e a terra, o estrado dos meus pés; que casa me edificareis, diz o SENHOR, ou qual é o lugar do meu repouso?

50 Não foi, porventura, a minha mão que fez todas estas coisas?

51 Homens de dura cerviz e incircuncisos de coração e de ouvidos, vós sempre resistis ao Espírito Santo; assim como fizeram vossos pais, também vós o fazeis.

52 Qual dos profetas vossos pais não perseguiram? Eles mataram os que anteriormente anunciavam a vinda do Justo, do qual vós agora vos tornastes traidores e assassinos,

53 vós que recebestes a lei por ministério de anjos e não a guardastes.

A morte de Estêvão

54 Ouvindo eles isto, enfureciam-se no seu coração e rilhavam os dentes contra ele.

55 Mas Estêvão, cheio do Espírito Santo, fitou os olhos no céu e viu a glória de Deus e Jesus, que estava à sua direita,

46Fuair Dáiví gean ó Dhia agus d'iarr sé cead air áitreabh a fháil do Dhia Iacóib.

47Ach ba é Solamh a thóg teach dó.

48Ar a shon sin ní chónaíonn an té is airde i dtithe lámhdhéanta, de réir mar a deir an fáidh:

49‘Is iad na spéartha mo chathaoir ríoga, agus an talamh stól mo chos. Cén sórt tí a thógfaidh sibhse dom, arsa an Tiarna, nó cá mbeidh m'áit chónaithe?

50Nach í mo lámhsa a rinne na nithe seo uile? ’ ”

51“Nach ceanndána an dream sibh agus nach stuacach atá bhur gcroí agus bhur gcluasa? Bíonn sibh ag cur in aghaidh an Spioraid Naoimh de shíor mar a dhéanadh bhur sinsir romhaibh.

52Cén duine de na fáithe nach ndearna bhur sinsir géarleanúint air? Agus d'imir siad an bás orthu siúd a thairngir teacht an Fhíréin. Agus anois tá sibhse tar éis é a bhrath agus a chur chun báis,

53sibhse a fuair an dlí trí bhíthin na n-aingeal ach nár choimeád é.”

Stiofán á Chlochadh

54Chuaigh an chaint sin trí chroí a lucht éiste agus tháinig díoscán fiacla orthu chuige.

55Ach bhí seisean lán den Spiorad Naomh, agus, ag féachaint in airde chun na bhflaitheas dó, chonaic sé glóir Dé agus Íosa ina sheasamh ar dheis Dé.

[56] e disse: Eis que vejo os céus abertos e o Filho do Homem, em pé à destra de Deus.

[57] Eles, porém, clamando em alta voz, taparam os ouvidos e, unânimes, arremeteram contra ele.

[58] E, lançando-o fora da cidade, o apedrejaram. As testemunhas deixaram suas vestes aos pés de um jovem chamado Saulo.

[59] E apedrejavam Estêvão, que invocava e dizia: SENHOR Jesus, recebe o meu espírito!

[60] Então, ajoelhando-se, clamou em alta voz: SENHOR, não lhes imputes este pecado! Com estas palavras, adormeceu.

[56]“Féach,” ar seisean, “feicim na flaithis ar oscailt agus Mac an Duine ina sheasamh ar dheis Dé.”

[57]Leis sin lig siad béic ard astu agus gan éisteacht le focal eile thug siad ruathar faoi in éineacht,

[58]thiomáin amach as an gcathair é agus thosaigh siad ar ghabháil de chlocha air. D'fhág na finnéithe a mbrait ag cosa ógfhir darbh ainm Sól.

[59]Fad a bhí siad á chlochadh bhí Stiofán ag glao os ard á rá: “A Thiarna Íosa, glac chugat m'anam.”

[60]Ar thitim dó ar a ghlúine scread sé in ard a ghutha: “A Thiarna, ná hagair orthu an peaca seo.” Agus leis sin shíothlaigh sé.

Atos 8

[1] E Saulo consentia na sua morte.

A primeira perseguição à igreja

Atos 26.9-11

Naquele dia, levantou-se grande perseguição contra a igreja em Jerusalém; e todos, exceto os apóstolos, foram dispersos pelas regiões da Judéia e Samaria.

[2] Alguns homens piedosos sepultaram Estêvão e fizeram grande pranto sobre ele.

[3] Saulo, porém, assolava a igreja, entrando pelas casas; e, arrastando homens e mulheres, encerrava-os no cárcere.

Filipe prega em Samaria

[4] Entrementes, os que foram dispersos iam por toda parte pregando a palavra.

Gníomhartha 8

[1]Agus thoiligh Sól lena dhúnmharú.

An Eaglais á Géarleanúint

An lá sin féin thosaigh géarleanúint mhór ar an Eaglais in Iarúsailéim agus scaip siad uile, ach amháin na haspail, ar fud chríocha Iúdáia agus na Samáire.

[2]Agus d'ardaigh daoine diaganta áirithe corp Stiofáin leo chun é a adhlacadh agus rinne siad caoineadh mór os a chionn.

[3]Ach bhí Sól ag déanamh scriosta ar an Eaglais: é ag dul ó theach go teach ag sracadh daoine amach, idir fhir agus mhná, agus á gcur i bpriosún.

Pilib sa tSamáir

[4]Iad sin a scaipeadh, ghluais siad ar fud na tíre ag fógairt an dea-scéil.

[5] Filipe, descendo à cidade de Samaria, anunciava-lhes a Cristo.

[6] As multidões atendiam, unânimes, às coisas que Filipe dizia, ouvindo-as e vendo os sinais que ele operava.

[7] Pois os espíritos imundos de muitos possessos saíam gritando em alta voz; e muitos paralíticos e coxos foram curados.

[8] E houve grande alegria naquela cidade.

Simão, o mágico

[9] Ora, havia certo homem, chamado Simão, que ali praticava a mágica, iludindo o povo de Samaria, insinuando ser ele grande vulto;

[10] ao qual todos davam ouvidos, do menor ao maior, dizendo: Este homem é o poder de Deus, chamado o Grande Poder.

[11] Aderiam a ele porque havia muito os iludira com mágicas.

[12] Quando, porém, deram crédito a Filipe, que os evangelizava a respeito do reino de Deus e do nome de Jesus Cristo, iam sendo batizados, assim homens como mulheres.

[13] O próprio Simão abraçou a fé; e, tendo sido batizado, acompanhava a Filipe de perto, observando extasiado os sinais e grandes milagres praticados.

Pedro e João em Samaria

[5]Chuaigh Pilib go dtí cathair na Samáire agus thosaigh ag craobhscaoileadh dóibh i dtaobh Chríost.

[6]Thug na sluaite cluas ghéar dá raibh le rá ag Pilib mar ní hea amháin gur chuala siad a chuid cainte ach chonaic siad chomh maith na míorúiltí a bhí aige á ndéanamh.

[7]Mórán a raibh deamhain mhíghlana iontu, tháinig na deamhain amach astu agus iad ag screadadh de ghlór ard; agus leigheasadh mórán pairiliseach agus bacach,

[8]sa tslí go raibh áthas mór sa chathair sin.

Síomón Draoi

[9]Bhí sa chathair fear darbh ainm Síomón agus bhí sé roimhe sin ag cur mearbhaill ar mhuintir na Samáire lena chuid draíochta agus é ag maíomh gur duine mór le rá é féin. Gach duine sa chathair idir uasal agus íseal, thug siad cluas dó

[10]agus deiridís: “Is é seo ‘mórchumhacht Dé’ mar a thugtar air.”

[11]Thugaidís cluas dó toisc mearbhall a bheith chomh fada sin orthu ag a chuid draíochta.

[12]Ach nuair a chreid siad an dea-scéal ó Philib faoi ríocht Dé agus faoi ainm Íosa Críost, baisteadh iad idir fhir agus mhná.

[13]Agus Síomón féin chreid sé chomh maith le cách agus tar éis a bhaiste, chloígh sé go dlúth le Pilib agus thagadh alltacht air nuair a d'fheiceadh sé na míorúiltí agus na héachtaí móra a bhí a ndéanamh.

[14] Ouvindo os apóstolos, que estavam em Jerusalém, que Samaria recebera a palavra de Deus, enviaram-lhe Pedro e João;

[14]Nuair a chuala na haspail a bhí in Iarúsailéim go raibh an tSamáir tar éis glacadh le briathar Dé, sheol siad chucu Peadar agus Eoin.

[15] os quais, descendo para lá, oraram por eles para que recebessem o Espírito Santo;

[15]Ar theacht dóibhsean chucu, rinne siad guí ar a son go bhfaighidís an Spiorad Naomh,

[16] porquanto não havia ainda descido sobre nenhum deles, mas somente haviam sido batizados em o nome do SENHOR Jesus.

[16]mar ní raibh an Spiorad tagtha fós ar dhuine ar bith acu mar ní raibh siad ach baiste in ainm an Tiarna Íosa.

[17] Então, lhes impunham as mãos, e recebiam estes o Espírito Santo.

[17]Ansin leag Peadar agus Eoin a lámha orthu agus fuair siad an Spiorad Naomh.

[18] Vendo, porém, Simão que, pelo fato de imporem os apóstolos as mãos, era concedido o Espírito [Santo], ofereceu-lhes dinheiro,

[18]Ach nuair a thug Síomón faoi deara gur trína lámha a leagan ag na haspail ar dhaoine a thugtaí an Spiorad, rinne sé airgead a thairiscint dóibh á rá:

[19] propondo: Concedei-me também a mim este poder, para que aquele sobre quem eu impuser as mãos receba o Espírito Santo.

[19]“Tugaigí domsa freisin an chumhacht sin i dtreo, cibé duine a leagfaidh mé mo lámha air, go bhfaighidh sé an Spiorad Naomh.”

[20] Pedro, porém, lhe respondeu: O teu dinheiro seja contigo para perdição, pois julgaste adquirir, por meio dele, o dom de Deus.

[20]D'fhreagair Peadar dó, áfach: “Don donas leat féin agus le do chuid airgid má mheas tú tabhartas Dé a cheannach ar airgead.

[21] Não tens parte nem sorte neste ministério, porque o teu coração não é reto diante de Deus.

[21]Níl baint ná páirt agat sa ghnó seo, mar ní ionraic do chroí i bhfianaise Dé.

[22] Arrepende-te, pois, da tua maldade e roga ao SENHOR; talvez te seja perdoado o intento do coração;

[22]Iompaigh dá bhrí sin ón urchóid seo agat agus iarr ar an Tiarna go maithfí duit an smaoineamh seo a theacht i do chroí.

[23] pois vejo que estás em fel de amargura e laço de iniqüidade.

[23]Mar tugaim faoi deara go bhfuil tú éirithe chomh searbh leis an domlas agus go bhfuil tú gafa san olc.”

[24] Respondendo, porém, Simão lhes pediu: Rogai vós por mim ao SENHOR, para que nada do que dissestes sobrevenha a mim.

[25] Eles, porém, havendo testificado e falado a palavra do SENHOR, voltaram para Jerusalém e evangelizavam muitas aldeias dos samaritanos.

Filipe e o eunuco

[26] Um anjo do SENHOR falou a Filipe, dizendo: Dispõe-te e vai para o lado do Sul, no caminho que desce de Jerusalém a Gaza; este se acha deserto. Ele se levantou e foi.

[27] Eis que um etíope, eunuco, alto oficial de Candace, rainha dos etíopes, o qual era superintendente de todo o seu tesouro, que viera adorar em Jerusalém,

[28] estava de volta e, assentado no seu carro, vinha lendo o profeta Isaías.

[29] Então, disse o Espírito a Filipe: Aproxima-te desse carro e acompanha-o.

[30] Correndo Filipe, ouviu-o ler o profeta Isaías e perguntou: Compreendes o que vens lendo?

[31] Ele respondeu: Como poderei entender, se alguém não me explicar? E convidou Filipe a subir e a sentar-se junto a ele.

[32] Ora, a passagem da Escritura que estava lendo era esta: Foi levado como ovelha ao

[24]D'fhreagair Síomón é: “Agus déanaigíse guí chun an Tiarna orm freisin ionas nach dtiocfaidh orm aon ní dár luaigh sibh.”

[25]Nuair a bhí a gcuid fianaise tugtha ag na haspail agus scéal an Tiarna fógartha acu, ghluais siad leo ar ais go Iarúsailéim agus d'fhógair an dea-scéal i mórchuid de bhailte na Samárach.

Pilib agus an Feidhmeannach Aetópach

[26]Labhair aingeal an Tiarna le Pilib: “Éirigh,” ar seisean, “agus gluais leat ó dheas an bóthar a ghabhann ó Iarúsailéim go Gazá; sin é bóthar an fhásaigh.”

[27]D'éirigh Pilib agus chuir chun bóthair. Agus tharla ag dul an bealach sin coillteán Aetópach, fear a bhí ina ardoifigeach ag Candacae, banríon na nAetópach, agus ina choimeádaí ar a cuid maoine uile. Bhí sé tar éis teacht go hIarúsailéim ag adhradh Dé

[28]agus bhí sé ar a shlí abhaile agus é ina shuí ina charráiste agus ag léamh Íseáia fáidh.

[29]Labhair an Spiorad le Pilib: “Gabh suas chun an charráiste agus siúil lena thaobh.”

[30]Rith Pilib anonn agus nuair a chuala sé an coillteán ag léamh Íseáia fáidh, labhair sé leis: “An dtuigeann tú a bhfuil agat á léamh?” ar seisean.

[31]“Conas a thuigfinn,” d'fhreagair an coillteán, “gan duine éigin a mhíneodh dom é?” agus d'iarr ar Philib suí in airde leis.

[32]Is é seo an giota den scrioptúr a bhí á léamh aige: “Seoladh é amhail caora chun

matadouro; e, como um cordeiro mudo perante o seu tosquiador, assim ele não abriu a boca.

33 Na sua humilhação, lhe negaram justiça; quem lhe poderá descrever a geração? Porque da terra a sua vida é tirada.

34 Então, o eunuco disse a Filipe: Peço-te que me expliques a quem se refere o profeta. Fala de si mesmo ou de algum outro?

35 Então, Filipe explicou; e, começando por esta passagem da Escritura, anunciou-lhe a Jesus.

36 Seguindo eles caminho fora, chegando a certo lugar onde havia água, disse o eunuco: Eis aqui água; que impede que seja eu batizado?

37 [Filipe respondeu: É lícito, se crês de todo o coração. E, respondendo ele, disse: Creio que Jesus Cristo é o Filho de Deus.]

38 Então, mandou parar o carro, ambos desceram à água, e Filipe batizou o eunuco.

39 Quando saíram da água, o Espírito do SENHOR arrebatou a Filipe, não o vendo mais o eunuco; e este foi seguindo o seu caminho, cheio de júbilo.

40 Mas Filipe veio a achar-se em Azoto; e, passando além, evangelizava todas as cidades até chegar a Cesaréia.

Atos 9

A conversão de Saulo
Atos 22.4-11; 26.9-18

a choscartha, agus amhail uan a bheadh ina thost os comhair an lomadóra, níor oscail sé a bhéal.

33Ó tugadh céim síos dó ní raibh cothrom le fáil aige. Cé a dhéanfaidh trácht ar a shliocht mar tógadh as an saol seo é.”

34Labhair an coillteán le Pilib: “Inis dom,” ar sé, “cé dó a bhfuil an fáidh ag tagairt? Cé acu dó féin atá sé ag tagairt nó do dhuine éigin eile?”

35Bhog Pilib chun cainte, agus ag tosú ón dréacht seo den scrioptúr d'fhógair sé dó an dea-scéal faoi Íosa.

36Bhí siad ag cur an bhóthair díobh nuair a tháinig siad chun lochán uisce. “Féach,” arsa an coillteán, “tá uisce anseo. Cad é an bac atá ormsa mo bhaisteadh?”

37(Dúirt Pilib leis: “Má chreideann tú ó do chroí go hiomlán, is ceadmhach duit.” D'fhreagair sé agus dúirt: “Creidim gurb é Mac Dé é Íosa Críost.”)

38D'ordaigh sé an carráiste a stop, chuaigh siad beirt, Pilib agus an coillteán, síos isteach san uisce agus bhaist Pilib é.

39Ach ar theacht amach as an uisce dóibh, d'ardaigh Spiorad an Tiarna Pilib chun siúil agus ní fhaca an coillteán é níos mó agus chuir sé chun bóthair go lúcháireach.

40Tháinig Pilib go hAzótas agus ghluais sé ag fógairt an dea-scéil ar fud na mbailte go léir nó go dtáinig sé go Céasaráia.

Gníomhartha 9

Iompú Phóil

[1] Saulo, respirando ainda ameaças e morte contra os discípulos do SENHOR, dirigiu-se ao sumo sacerdote

[2] e lhe pediu cartas para as sinagogas de Damasco, a fim de que, caso achasse alguns que eram do Caminho, assim homens como mulheres, os levasse presos para Jerusalém.

[3] Seguindo ele estrada fora, ao aproximar-se de Damasco, subitamente uma luz do céu brilhou ao seu redor,

[4] e, caindo por terra, ouviu uma voz que lhe dizia: Saulo, Saulo, por que me persegues?

[5] Ele perguntou: Quem és tu, SENHOR? E a resposta foi: Eu sou Jesus, a quem tu persegues;

[6] mas levanta-te e entra na cidade, onde te dirão o que te convém fazer.

[7] Os seus companheiros de viagem pararam emudecidos, ouvindo a voz, não vendo, contudo, ninguém.

[8] Então, se levantou Saulo da terra e, abrindo os olhos, nada podia ver. E, guiando-o pela mão, levaram-no para Damasco.

[9] Esteve três dias sem ver, durante os quais nada comeu, nem bebeu.

A visita de Ananias

Atos 22.12-16

[10] Ora, havia em Damasco um discípulo chamado Ananias. Disse-lhe o SENHOR numa visão: Ananias! Ao que respondeu: Eis-me aqui, SENHOR!

[1]Idir an dá linn lean Sól ag bagairt báis ar dheisceabail an Tiarna. Chuaigh sé go dtí an t-ardsagart

[2]ag lorg litreacha uaidh le tabhairt chun na sionagóg i nDamaisc i dtreo, cibé duine dá bhfaigheadh sé ann, fear nó bean, a lean an bealach, go ndéanfadh sé iad a ghabháil agus a thabhairt ar ais go Iarúsailéim.

[3]Bhí sé ar an mbóthar ann agus é ag druidim le Damaisc nuair a las solas ón spéir ina thimpeall de phreib.

[4]Thit sé chun talaimh agus chuala sé an guth á rá leis: “A Shóil, a Shóil, cén fáth a bhfuil tú do mo ghéarleanúint?”

[5]“Cé thú féin, a Thiarna?” d'fhiafraigh Sól. D'fhreagair an guth: “Is mise Íosa, an té a bhfuil tú á ghéarleanúint.

[6]Ach éirigh i do sheasamh, gabh isteach sa chathair agus déarfar leat cad is déanta duit.”

[7]Na fir a bhí ag taisteal leis, rinneadh staic díobh: bhí an guth le cloisteáil acu ach gan duine le feiceáil.

[8]D'éirigh Sól den talamh, ach nuair a d'oscail sé na súile ní raibh aon léas radhairc aige. Rug siad ar láimh air agus sheol isteach sa chathair é.

[9]Agus bhí sé ar feadh trí lá gan radharc agus gan greim ná bolgam a bhlas.

Pól á Bhaisteadh

[10]Bhí, i nDamaisc, deisceabal darbh ainm Anainias agus labhair an Tiarna in aisling leis: “A Anainias,” ar sé. “Teacht, a Thiarna,” d'fhreagair Anainias.

[11] Então, o SENHOR lhe ordenou: Dispõe-te, e vai à rua que se chama Direita, e, na casa de Judas, procura por Saulo, apelidado de Tarso; pois ele está orando

[12] e viu entrar um homem, chamado Ananias, e impor-lhe as mãos, para que recuperasse a vista.

[13] Ananias, porém, respondeu: SENHOR, de muitos tenho ouvido a respeito desse homem, quantos males tem feito aos teus santos em Jerusalém;

[14] e para aqui trouxe autorização dos principais sacerdotes para prender a todos os que invocam o teu nome.

[15] Mas o SENHOR lhe disse: Vai, porque este é para mim um instrumento escolhido para levar o meu nome perante os gentios e reis, bem como perante os filhos de Israel;

[16] pois eu lhe mostrarei quanto lhe importa sofrer pelo meu nome.

[17] Então, Ananias foi e, entrando na casa, impôs sobre ele as mãos, dizendo: Saulo, irmão, o SENHOR me enviou, a saber, o próprio Jesus que te apareceu no caminho por onde vinhas, para que recuperes a vista e fiques cheio do Espírito Santo.

[18] Imediatamente, lhe caíram dos olhos como que umas escamas, e tornou a ver. A seguir, levantou-se e foi batizado.

[11]“Éirigh,” arsa an Tiarna leis, “agus gluais leat go dtí an tSráid Dhíreach mar a thugtar uirthi, agus loirg i dteach Iúdáis fear ó Tharsas arb ainm dó Sól. Tá sé ag guí ann...

[12]agus chonaic sé in aisling fear darbh ainm Anainias ag teacht isteach chuige agus ag leagan a lámh air chun go mbeadh a radharc ar ais aige.”

[13]Ach d'fhreagair Anainias: “A Thiarna, chuala mé iomrá ar an bhfear seo óna lán daoine agus ar a bhfuil d'olc déanta aige ar an bpobal naofa in Iarúsailéim,

[14]agus anseo féin tá údarás aige ó na hardsagairt gach duine dá nglaonn ar d'ainmse a ghabháil.”

[15]“Gluais leat,” arsa an Tiarna leis, “mar is é sin an duine atá tofa agamsa chun m'ainm a thabhairt i láthair na bpáganach agus na ríthe agus i láthair chlann Iosrael.

[16]Taispeánfaidh mise dó a bhfuil le fulaingt aige ar son m'ainmse.”

[17]D'imigh Anainias leis, agus ar dhul isteach sa teach dó leag sé a lámha air, á rá: “A Shóil, a bhráthair, is é an Tiarna a sheol chugat mé - an Íosa a thaispeáin é féin duit ar do bhealach anseo - chun go mbeadh do radharc arís agat agus go líonfaí den Spiorad Naomh thú.”

[18]Agus de phreib thit mar a bheadh screamh dá shúile agus tháinig a radharc arís dó; agus ar éirí dó ina sheasamh, baisteadh é.

[19] E, depois de ter-se alimentado, sentiu-se fortalecido. Então, permaneceu em Damasco alguns dias com os discípulos.

Saulo prega em Damasco

[20] E logo pregava, nas sinagogas, a Jesus, afirmando que este é o Filho de Deus.

[21] Ora, todos os que o ouviam estavam atônitos e diziam: Não é este o que exterminava em Jerusalém os que invocavam o nome de Jesus e para aqui veio precisamente com o fim de os levar amarrados aos principais sacerdotes?

[22] Saulo, porém, mais e mais se fortalecia e confundia os judeus que moravam em Damasco, demonstrando que Jesus é o Cristo.

[23] Decorridos muitos dias, os judeus deliberaram entre si tirar-lhe a vida;

[24] porém o plano deles chegou ao conhecimento de Saulo. Dia e noite guardavam também as portas, para o matarem.

[25] Mas os seus discípulos tomaram-no de noite e, colocando-o num cesto, desceram-no pela muralha.

Saulo em Jerusalém e em Tarso

[26] Tendo chegado a Jerusalém, procurou juntar-se com os discípulos; todos, porém, o temiam, não acreditando que ele fosse discípulo.

[27] Mas Barnabé, tomando-o consigo, levou-o aos apóstolos; e contou-lhes como ele vira o SENHOR no caminho, e que este

[19]Agus tar éis dó rud a ithe tháinig a neart arís ann.

Pól ag Fógairt an Dea-Scéil

D'fhan Sól ar feadh tamaill leis na deisceabail i nDamaisc.

[20]Thosaigh sé láithreach ag fógairt sna sionagóga gurb é Íosa mac Dé.

[21]Tháinig alltacht ar a raibh ag éisteacht leis agus deiridís: “Nach é sin an duine a rinne scrios in Iarúsailéim ar a mbíodh ag glaoch ar an ainm sin? Nach é gnó a thug anseo é iad a ghabháil agus a thabhairt ar ais go dtí na hardsagairt?”

[22]Ach is ag dul i neart a bhí Sól agus chuir sé mearbhall ar Ghiúdaigh Dhamaisce toisc é bheith ag dearbhú gurb é Íosa an Meisias.

Pól in Iarúsailéim

[23]I gceann tamaill mhaith chuaigh na Giúdaigh i gcomhairle le chéile chun é a mharú,

[24]ach fuair Sól eolas ar a gcomhcheilg. Bhídís ag faire na ngeataí go géar de lá agus d'oíche chun é a mharú

[25]ach thóg na deisceabail leo é san oíche agus lig síos i gciseán ar cheann téide é trí scoilt san fhalla.

[26]Ar theacht dó go Iarúsailéim rinne sé iarracht ar dhul i bpáirt leis na deisceabail ach bhí eagla orthu go léir roimhe mar ní chreidfidís gur dheisceabal é.

[27]Ansin thóg Barnabas faoina chúram é agus thug i láthair na n-aspal é, ag aithris dóibh conas mar a chonaic sé an Tiarna ar

lhe falara, e como em Damasco pregara ousadamente em nome de Jesus.

an mbóthar agus mar a rinne sé comhrá leis agus mar a labhair sé go teann in ainm Íosa i nDamaisc.

28 Estava com eles em Jerusalém, entrando e saindo, pregando ousadamente em nome do SENHOR.

28D'fhan Sól in éineacht leo in Iarúsailéim gan chosc gan cheangal air ach é ag labhairt go dána in ainm an Tiarna.

29 Falava e discutia com os helenistas; mas eles procuravam tirar-lhe a vida.

29Bhíodh sé ag caint agus ag conspóid leis na Giúdaigh Heilléanacha freisin. Rinne siadsan iarracht ar é a mharú

30 Tendo, porém, isto chegado ao conhecimento dos irmãos, levaram-no até Cesaréia e dali o enviaram para Tarso.

30ach nuair a fuair na bráithre amach é, thóg siad Sól leo go Céasaráia agus chuir as sin go Tarsas é.

A igreja cresce

31 A igreja, na verdade, tinha paz por toda a Judéia, Galiléia e Samaria, edificando-se e caminhando no temor do SENHOR, e, no conforto do Espírito Santo, crescia em número.

31Mar sin bhí síocháin ag an Eaglais ar fud Iúdáia go léir agus na Gailíle agus na Samáire. Lean sí á tógáil féin agus ag dul chun cinn faoi eagla an Tiarna agus ag dul i méid le cabhair an Spioraid Naoimh.

A cura de Eneias

32 Passando Pedro por toda parte, desceu também aos santos que habitavam em Lida.

33 Encontrou ali certo homem, chamado Enéias, que havia oito anos jazia de cama, pois era paralítico.

34 Disse-lhe Pedro: Enéias, Jesus Cristo te cura! Levanta-te e arruma o teu leito. Ele, imediatamente, se levantou.

35 Viram-no todos os habitantes de Lida e Sarona, os quais se converteram ao SENHOR.

Peadar i Lioda

32Tharla nuair a bhí Peadar ar a chamchuarta go ndeachaigh sé chun an phobail naofa a chónaigh i Lioda.

33Tháinig sé ar dhuine ann arbh ainm dó Aenéas - pairiliseach a bhí ag coimeád na leapa le hocht mbliana anuas.

34Labhair Peadar leis: “A Aenéas,” ar sé, “tá Íosa Críost do do leigheas. Éirigh i do shuí agus cóirigh do leaba.” Agus d'éirigh sé láithreach.

35Agus nuair a chonaic muintir Lioda agus muintir Sharóin é, d'iompaigh siad go léir chun an Tiarna.

A ressurreição de Dorcas

36 Havia em Jope uma discípula por nome Tabita, nome este que, traduzido, quer dizer Dorcas; era ela notável pelas boas obras e esmolas que fazia.

36Bhí in Iopae bandeisceabal darbh ainm Taibít (Dorcas sa Ghréigis, focal a chiallaíonn “eilit”). Bean ba ea í a raibh a

saol tugtha aici i mbun carthanachta agus déirce.

[37] Ora, aconteceu, naqueles dias, que ela adoeceu e veio a morrer; e, depois de a lavarem, puseram-na no cenáculo.

[37]Tharla sna laethanta sin gur buaileadh breoite í agus go bhfuair sí bás. Tar éis dóibh í a thonach chuir siad ar chlár í i seomra uachtarach.

[38] Como Lida era perto de Jope, ouvindo os discípulos que Pedro estava ali, enviaram-lhe dois homens que lhe pedissem: Não demores em vir ter conosco.

[38]Tá Lioda i ngar do Iopae agus nuair a chuala na deisceabail Peadar a bheith san áit, chuir siad beirt fhear chuige á iarraidh air teacht chucu gan mhoill.

[39] Pedro atendeu e foi com eles. Tendo chegado, conduziram-no para o cenáculo; e todas as viúvas o cercaram, chorando e mostrando-lhe túnicas e vestidos que Dorcas fizera enquanto estava com elas.

[39]D'éirigh Peadar agus tháinig lena gcois. Ar shroichint na háite dó thug siad in airde chun an tseomra uachtaraigh é. Tháinig na baintreacha go léir chuige ag sileadh deor agus ag taispeáint dó na léinte agus na gcótaí a dhéanadh Dorcas dóibh fad a bhí sí ina beatha.

[40] Mas Pedro, tendo feito sair a todos, pondo-se de joelhos, orou; e, voltando-se para o corpo, disse: Tabita, levanta-te! Ela abriu os olhos e, vendo a Pedro, sentou-se.

[40]Ach chuir Peadar gach duine acu amach agus chaith sé é féin ar a ghlúine ag guí. Ansin d'iompaigh sé chun an choirp, á rá: "A Thaibít, éirigh i do shuí." D'oscail sise a súile agus ar fheiceáil Pheadair di, d'éirigh sí aniar.

[41] Ele, dando-lhe a mão, levantou-a; e, chamando os santos, especialmente as viúvas, apresentou-a viva.

[41]Shín Peadar a lámh chuici agus chuir ina seasamh í. Ansin ghlaoigh sé chuige an pobal naofa agus na baintreacha agus thug suas dóibh í go beo beathach.

[42] Isto se tornou conhecido por toda Jope, e muitos creram no SENHOR.

[42]Leath an scéal sin ar fud Iopae agus chreid mórán sa Tiarna.

[43] Pedro ficou em Jope muitos dias, em casa de um curtidor chamado Simão.

[43]D'fhan sé in Iopae ar feadh i bhfad fara súdaire darbh ainm Síomón.

Atos 10

O centurião Cornélio

Gníomhartha 10

Aisling Choirnéilias

[1] Morava em Cesaréia um homem de nome Cornélio, centurião da coorte chamada Italiana,

[2] piedoso e temente a Deus com toda a sua casa e que fazia muitas esmolas ao povo e, de contínuo, orava a Deus.

[3] Esse homem observou claramente durante uma visão, cerca da hora nona do dia, um anjo de Deus que se aproximou dele e lhe disse:

[4] Cornélio! Este, fixando nele os olhos e possuído de temor, perguntou: Que é, SENHOR? E o anjo lhe disse: As tuas orações e as tuas esmolas subiram para memória diante de Deus.

[5] Agora, envia mensageiros a Jope e manda chamar Simão, que tem por sobrenome Pedro.

[6] Ele está hospedado com Simão, curtidor, cuja residência está situada à beira-mar.

[7] Logo que se retirou o anjo que lhe falava, chamou dois dos seus domésticos e um soldado piedoso dos que estavam a seu serviço

[8] e, havendo-lhes contado tudo, enviou-os a Jope.

Pedro tem uma visão

[9] No dia seguinte, indo eles de caminho e estando já perto da cidade, subiu Pedro ao eirado, por volta da hora sexta, a fim de orar.

[10] Estando com fome, quis comer; mas, enquanto lhe preparavam a comida, sobreveio-lhe um êxtase;

[1]Bhí i gCéasaráia fear darbh ainm Coirnéilias, taoiseach céad ar an gCathlán Iodáileach mar a thugtar air.

[2]Fear cráifeach ba ea é agus bhí sé féin agus a theaghlach ar fad ómósach do Dhia; thugadh sé déirc go fial don phobal agus dhéanadh guí chun Dé go buan.

[3]Lá amháin timpeall a trí a chlog tráthnóna chonaic sé go soiléir in aisling aingeal Dé ag teacht chuige agus ag rá: “A Choirnéilias.”

[4]Stán sé ar an aingeal le scanradh agus dúirt: “Cad é sin, a dhuine uasail?” D'fhreagair an t-aingeal: “Tá d'urnaithe agus do dhéirc imithe suas i bhfianaise Dé agus tá cuimhne aige orthu.

[5]Agus anois, cuirse fir go Iopae ag triall ar Shíomón áirithe dar comhainm Peadar.

[6]Tá sé ar aíocht ag Síomón Súdaire a bhfuil a theach ar bhruach na farraige.”

[7]Nuair a d'imigh an t-aingeal a bhí ag caint leis, ghlaoigh sé chuige beirt dá sheirbhísigh agus duine diaganta de na saighdiúirí a bhí faoina réir,

[8]d'aithris dóibh an scéal tríd síos agus chuir chun siúil go Iopae iad.

Aisling Pheadair

[9]Lá arna mhárach timpeall meán lae, bhí siad ag cur na slí díobh agus iad ag tarraingt ar an gcathair, nuair a chuaigh Peadar in airde go huachtar an tí ag guí.

[10]Tháinig ocras air agus fonn ite, ach fad a bhí siad ag ullmhú an bhia dó, thit támhnéal air:

[11] então, viu o céu aberto e descendo um objeto como se fosse um grande lençol, o qual era baixado à terra pelas quatro pontas,

[12] contendo toda sorte de quadrúpedes, répteis da terra e aves do céu.

[13] E ouviu-se uma voz que se dirigia a ele: Levanta-te, Pedro! Mata e come.

[14] Mas Pedro replicou: De modo nenhum, SENHOR! Porque jamais comi coisa alguma comum e imunda.

[15] Segunda vez, a voz lhe falou: Ao que Deus purificou não consideres comum.

[16] Sucedeu isto por três vezes, e, logo, aquele objeto foi recolhido ao céu.

Os enviados de Cornélio chegam a Jope

[17] Enquanto Pedro estava perplexo sobre qual seria o significado da visão, eis que os homens enviados da parte de Cornélio, tendo perguntado pela casa de Simão, pararam junto à porta;

[18] e, chamando, indagavam se estava ali hospedado Simão, por sobrenome Pedro.

[19] Enquanto meditava Pedro acerca da visão, disse-lhe o Espírito: Estão aí dois homens que te procuram;

[20] levanta-te, pois, desce e vai com eles, nada duvidando; porque eu os enviei.

[21] E, descendo Pedro para junto dos homens, disse: Aqui me tendes; sou eu a quem buscais? A que viestes?

[11]chonaic sé an spéir ar oscailt agus rud éigin mar a bheadh braillín mór ag teacht anuas: é crochta as na ceithre cúinní agus é á ligean anuas chun talaimh.

[12]Istigh ann bhí an uile ainmhí ceathairchosach agus piast agus éanlaith an aeir.

[13]Agus labhair an guth leis: "Éirigh, a Pheadair, maraigh rud éigin agus ith."

[14]"Nar lige Dia sin, a mháistir," d'fhreagair Peadar, "mar níor ith mé riamh aon ní a bhí mínaofa ná neamhghlan."

[15]Labhair an guth leis athuair: "An ní atá íonghlanta ag Dia ná tabhairse rud neamhghlan air."

[16]Tharla sé seo trí huaire agus ansin tógadh an rud ar ais in airde sa spéir.

[17]Bhí mearbhall ar Pheadar i dtaobh brí na físe a bhí feicthe aige: idir an dá linn bhí na fir a chuir Coirnéilias uaidh tar éis tuairisc theach Shíomóin a chur agus bhí siad ina seasamh ag an doras faoin am seo

[18]ag glaoch agus ag fiafraí an raibh Síomón dar chomhainm Peadar ar aíocht ann.

[19]Bhí Peadar fós ag machnamh ar an bhfís nuair a dúirt an Spiorad leis: "Féach, tá fir do do lorg.

[20]Éirigh i do shuí, gabh síos chucu agus gluais in éineacht leo. Agus ná bíodh aon cheist ort mar is mise a chuir chugat iad."

[21]Chuaigh Peadar síos chun na bhfear agus dúirt leo: "Is mise an té atá uaibh. Cad é an gnó a thug anseo sibh?"

[22] Então, disseram: O centurião Cornélio, homem reto e temente a Deus e tendo bom testemunho de toda a nação judaica, foi instruído por um santo anjo para chamar-te a sua casa e ouvir as tuas palavras.

Pedro vai com eles

[23] Pedro, pois, convidando-os a entrar, hospedou-os. No dia seguinte, levantou-se e partiu com eles; também alguns irmãos dos que habitavam em Jope foram em sua companhia.

[24] No dia imediato, entrou em Cesaréia. Cornélio estava esperando por eles, tendo reunido seus parentes e amigos íntimos.

[25] Aconteceu que, indo Pedro a entrar, lhe saiu Cornélio ao encontro e, prostrando-se-lhe aos pés, o adorou.

[26] Mas Pedro o levantou, dizendo: Ergue-te, que eu também sou homem.

[27] Falando com ele, entrou, encontrando muitos reunidos ali,

[28] a quem se dirigiu, dizendo: Vós bem sabeis que é proibido a um judeu ajuntar-se ou mesmo aproximar-se a alguém de outra raça; mas Deus me demonstrou que a nenhum homem considerasse comum ou imundo;

[29] por isso, uma vez chamado, vim sem vacilar. Pergunto, pois: por que razão me mandastes chamar?

[22]D'fhreagair siadsan dó: “Coirnéilias taoiseach céad a chuir anseo sinn. Fear ionraic diaganta is ea é a bhfuil ardmheas ag an gcine Giúdach ar fad air, agus fuair sé ordú ó aingeal naofa fios a chur ortsa chun a thí agus éisteacht lena bhfuil le rá agat.”

[23]D'iarr Peadar isteach iad, dá bhrí sin, agus thug aíocht dóibh. D'éirigh sé lá arna mhárach agus d'imigh sé lena gcois agus cuid de na bráithre ó Iopae ina theannta,

[24]agus bhain sé Céasaráia amach an lá dár gcionn. Bhí Coirnéilias ag feitheamh leis agus é tar éis a ghaolta agus a dhlúthchairde a ghlaoch le chéile.

[25]Nuair a bhí Peadar ar tí dul isteach tháinig Coirnéilias ina airicis agus d'umhlaigh go talamh ag déanamh ómóis dó.

[26]Thóg Peadar suas é áfach, á rá: “Éirigh i do sheasamh. Níl ionamsa ach fear ar do dhála féin.”

[27]Chuaigh sé isteach ag comhrá leis agus fuair sé slua mór daoine cruinnithe ann,

[28]agus labhair sé leo: “Tuigeann sibh go maith nach dleathach do Ghiúdaigh caidreamh a bheith acu le lucht cine eile, ná dul ar cuairt féin chucu. Thaispeáin Dia domsa, áfach, gan duine mínaofa ná neamhghlan a thabhairt ar neach ar bith.

[29]Dá chomhartha sin tháinig mise anseo gan cheist gan doicheall an túisce a cuireadh fios orm. Ceist agam oraibh dá

bhrí sin: cad uime ar chuir sibh fios orm, fiafraím díbh?”

[30] Respondeu-lhe Cornélio: Faz, hoje, quatro dias que, por volta desta hora, estava eu observando em minha casa a hora nona de oração, e eis que se apresentou diante de mim um varão de vestes resplandecentes

[30]D'fhreagair Coirnéilias: “An taca seo trí lá ó shin bhíos ag rá m'urnaithe tráthnóna i mo theach nuair a sheas duine os mo chomhair agus é cóirithe in éadaí geala.

[31] e disse: Cornélio, a tua oração foi ouvida, e as tuas esmolas, lembradas na presença de Deus.

[31]‘A Choirnéilias, ’ ar sé, ‘tá éiste le do ghuí agus tá cuimhne ar do dhéirc i bhfianaise Dé.

[32] Manda, pois, alguém a Jope a chamar Simão, por sobrenome Pedro; acha-se este hospedado em casa de Simão, curtidor, à beira-mar.

[32]Cuir fios, dá bhrí sin, go Iopae ar Shíomón dar comhainm Peadar; tá sé ar aíocht i dteach Shíomóin Súdaire ar bhruach na farraige.’

[33] Portanto, sem demora, mandei chamar-te, e fizeste bem em vir. Agora, pois, estamos todos aqui, na presença de Deus, prontos para ouvir tudo o que te foi ordenado da parte do SENHOR.

[33]Mar sin chuir mé fios ort láithreach bonn - agus ba mhaith uait teacht. Anois táimid go léir anseo i bhfianaise Dé chun éisteacht le gach ar ordaigh an Tiarna duit.”

Óráid Pheadair

[34] Então, falou Pedro, dizendo: Reconheço, por verdade, que Deus não faz acepção de pessoas;

[34]Ansin thosaigh Peadar ag labhairt: “Tuigim anois go físor nach bhféachann Dia chun pearsan seachas a chéile

[35] pelo contrário, em qualquer nação, aquele que o teme e faz o que é justo lhe é aceitável.

[35]ach cibé duine a thugann ómós dó agus a dhéanann an ceart, gur taitneamhach an duine sin dó is cuma cén cine ar díobh é.

[36] Esta é a palavra que Deus enviou aos filhos de Israel, anunciando-lhes o evangelho da paz, por meio de Jesus Cristo. Este é o SENHOR de todos.

[36]Sin é an teachtaireacht a chuir sé go dtí clann Iosrael nuair a d'fhógair sé dea-scéal na síochána dóibh trí Íosa Críost - an té atá ina Thiarna ar chách uile.

[37] Vós conheceis a palavra que se divulgou por toda a Judéia, tendo começado desde a Galiléia, depois do batismo que João pregou,

[37]Tá a fhios agaibh an rud a thit amach ar fud Iúdáia, tar éis dó tosú sa Ghailíl i ndiaidh an bhaiste a d'fhógair Eoin,

[38] como Deus ungiu a Jesus de Nazaré com o Espírito Santo e com poder, o qual andou por toda parte, fazendo o bem e curando a todos os oprimidos do diabo, porque Deus era com ele;

[38]an scéal faoi Íosa ó Nazarat: mar a choisric Dia é leis an Spiorad Naomh agus le cumhacht; mar a chuaigh sé timpeall na tíre ag déanamh na maitheasa agus ag leigheas gach duine a bhí faoi smacht an diabhail, mar go raibh Dia fairis.

[39] e nós somos testemunhas de tudo o que ele fez na terra dos judeus e em Jerusalém; ao qual também tiraram a vida, pendurando-o no madeiro.

[39]Agus is finnéithe sinn ar gach ní dá ndearna sé i dtír na nGiúdach agus in Iarúsailéim. Chuir siad chun báis é á chrochadh ar chrann,

[40] A este ressuscitou Deus no terceiro dia e concedeu que fosse manifesto,

[40]ach thóg Dia ón mbás an treas lá é agus thug le feiceáil é,

[41] não a todo o povo, mas às testemunhas que foram anteriormente escolhidas por Deus, isto é, a nós que comemos e bebemos com ele, depois que ressurgiu dentre os mortos;

[41]ní don phobal ar fad é, ach do na finnéithe a bhí réamhcheaptha ag Dia, is é sin le rá, dúinne. Chaitheamar bia agus deoch ina theannta tar éis a aiséirithe ó mhairbh

[42] e nos mandou pregar ao povo e testificar que ele é quem foi constituído por Deus Juiz de vivos e de mortos.

[42]agus d'ordaigh sé dúinn a fhógairt don phobal agus a dhearbhú gurb é atá ceaptha ag Dia ina bhreitheamh ar bheo agus ar mhairbh.

[43] Dele todos os profetas dão testemunho de que, por meio de seu nome, todo aquele que nele crê recebe remissão de pecados.

[43]Agus is air a thugann na fáithe uile an fhianaise seo go bhfuil maithiúnas peacaí le fáil ina ainm ag an uile dhuine a chreideann ann!”

O Espírito Santo desce sobre os gentios

Págánaigh á mBaisteadh

[44] Ainda Pedro falava estas coisas quando caiu o Espírito Santo sobre todos os que ouviam a palavra.

[44]Ní raibh an méid sin ráite ag Peadar nuair a tháinig an Spiorad Naomh anuas ar a raibh ag éisteacht lena theachtaireacht.

[45] E os fiéis que eram da circuncisão, que vieram com Pedro, admiraram-se, porque também sobre os gentios foi derramado o dom do Espírito Santo;

[45]Bhí alltacht ar na creidmhigh Ghiúdacha a bhí tagtha in éineacht le Peadar a fheiceáil gur doirteadh tabhartas an Spioraid Naoimh ar na págánaigh freisin,

[46] pois os ouviam falando em línguas e engrandecendo a Deus. Então, perguntou Pedro:

[47] Porventura, pode alguém recusar a água, para que não sejam batizados estes que, assim como nós, receberam o Espírito Santo?

[48] E ordenou que fossem batizados em nome de Jesus Cristo. Então, lhe pediram que permanecesse com eles por alguns dias.

[46]mar chuala siad ag caint iad i dteangacha agus ag móradh Dé.

[47]Ansin labhair Peadar leo: “Cé a d'fhéadfadh uisce a mbaiste a dhiúltú do na daoine seo agus iad tar éis an Spiorad Naomh a fháil chomh maith linn féin?”

[48]Agus d'ordaigh sé iad a bhaisteadh in ainm Íosa Críost. Ansin d'iarr siad air fanacht ina dteannta ar feadh roinnt laethanta.

Atos 11

A defesa de Pedro

[1] Chegou ao conhecimento dos apóstolos e dos irmãos que estavam na Judéia que também os gentios haviam recebido a palavra de Deus.

[2] Quando Pedro subiu a Jerusalém, os que eram da circuncisão o argüiram, dizendo:

[3] Entraste em casa de homens incircuncisos e comeste com eles.

[4] Então, Pedro passou a fazer-lhes uma exposição por ordem, dizendo:

[5] Eu estava na cidade de Jope orando e, num êxtase, tive uma visão em que observei descer um objeto como se fosse um grande lençol baixado do céu pelas quatro pontas e vindo até perto de mim.

[6] E, fitando para dentro dele os olhos, vi quadrúpedes da terra, feras, répteis e aves do céu.

Gníomhartha 11

Peadar ag Míniú an Scéil d'Eaglais Iarúsailéim

[1]Chuala na haspail agus na bráithre a bhí ar fud Iúdáia go raibh na páganaigh freisin tar éis briathar Dé a ghlacadh.

[2]Nuair a chuaigh Peadar suas go Iarúsailéim, rinne lucht an timpeallghearrtha é a cháineadh

[3]á rá leis: “Chuaigh tú isteach i measc daoine neamhthimpeallghearrtha agus chaith tú bia ina dteannta.”

[4]Thosaigh Peadar agus d'aithris sé an scéal tríd síos dóibh:

[5]“Bhí mé i gcathair Iopae ag guí,” ar seisean, “nuair a tháinig támhnéal orm, agus chonaic mé in aisling rud mar a bheadh braillín mór á ligean anuas ón spéir leis na ceithre cúinní. Tháinig sé fad liom

[6]agus nuair a d'fhéach mé isteach ann chonaic mé ainmhithe ceathairchosacha an domhain agus na beithígh allta agus na péisteanna agus éanlaith an aeir.

[7] Ouvi também uma voz que me dizia: Levanta-te, Pedro! Mata e come.
[8] Ao que eu respondi: de modo nenhum, SENHOR; porque jamais entrou em minha boca qualquer coisa comum ou imunda.

[9] Segunda vez, falou a voz do céu: Ao que Deus purificou não consideres comum.

[10] Isto sucedeu por três vezes, e, de novo, tudo se recolheu para o céu.

[11] E eis que, na mesma hora, pararam junto da casa em que estávamos três homens enviados de Cesaréia para se encontrarem comigo.

[12] Então, o Espírito me disse que eu fosse com eles, sem hesitar. Foram comigo também estes seis irmãos; e entramos na casa daquele homem.

[13] E ele nos contou como vira o anjo em pé em sua casa e que lhe dissera: Envia a Jope e manda chamar Simão, por sobrenome Pedro,

[14] o qual te dirá palavras mediante as quais serás salvo, tu e toda a tua casa.

[15] Quando, porém, comecei a falar, caiu o Espírito Santo sobre eles, como também sobre nós, no princípio.
[16] Então, me lembrei da palavra do SENHOR, quando disse: João, na verdade, batizou com água, mas vós sereis batizados com o Espírito Santo.

[7]Ansin chuala mé an guth á rá: 'Éirigh, a Pheadair, maraigh agus ith.'
[8]'Nár lige Dia sin, a mháistir, ' arsa mise, 'mar aon ní mínaofa ná neamhghlan ní dheachaigh i mo bhéalsa riamh.'
[9]Labhair an guth ón spéir liom don dara huair: 'Aon ní atá íonghlanta ag Dia, ná tabhairse rud mínaofa air.'
[10]Tharla sé seo don tríú huair agus ansin tarraingíodh an t-iomlán ar ais in airde sa spéir.

[11]"Ar an bpointe sin tháinig chun an tí ina raibh mé triúr fear a bhí curtha ag triall orm ó Chéasaráia.

[12]Dúirt an Spiorad liom gan aon cheist a bheith orm ach imeacht lena gcois. Tháinig an seisear bráithre seo in éineacht liom agus chuamar isteach i dteach an fhir úd.
[13]D'inis seisean dúinn mar a chonaic sé an t-aingeal ina sheasamh ina theach á rá leis: 'Cuir fios go hIopae ar Shíomón dar comhainm Peadar
[14]agus labhróidh sé sin na briathra leat ina bhfaighidh tú féin agus do theaghlach uile slánú.'
[15]Agus ar thosú dom ag caint, thuirling an Spiorad Naomh orthu mar a thuirling orainn féin i dtosach.
[16]Ansin chuimhnigh mé ar fhocal úd an Tiarna, mar a dúirt sé: 'Rinne Eoin baisteadh in uisce ach baistfear sibhse sa Spiorad Naomh.'

[17] Pois, se Deus lhes concedeu o mesmo dom que a nós nos outorgou quando cremos no SENHOR Jesus, quem era eu para que pudesse resistir a Deus?

[18] E, ouvindo eles estas coisas, apaziguaram-se e glorificaram a Deus, dizendo: Logo, também aos gentios foi por Deus concedido o arrependimento para vida.

Os discípulos são chamados cristãos em Antioquia

[19] Então, os que foram dispersos por causa da tribulação que sobreveio a Estêvão se espalharam até à Fenícia, Chipre e Antioquia, não anunciando a ninguém a palavra, senão somente aos judeus.

[20] Alguns deles, porém, que eram de Chipre e de Cirene e que foram até Antioquia, falavam também aos gregos, anunciando-lhes o evangelho do SENHOR Jesus.

[21] A mão do SENHOR estava com eles, e muitos, crendo, se converteram ao SENHOR.

[22] A notícia a respeito deles chegou aos ouvidos da igreja que estava em Jerusalém; e enviaram Barnabé até Antioquia.

[23] Tendo ele chegado e, vendo a graça de Deus, alegrou-se e exortava a todos a que, com firmeza de coração, permanecessem no SENHOR.

[17]Dá réir sin má thug Dia dóibhsean an tabhartas céanna a thug sé dúinne tar éis dúinn creidiúint sa Tiarna Íosa Críost, cérbh é mise go bhféadfainn bac a chur ar Dhia?”

[18]Nuair a chuala siad an méid sin, d'éist siad agus thug glóir do Dhia á rá: “Thug Dia, más ea, aithrí chun na beatha do na Gintlithe chomh maith.”

Eaglais Aintíoch

[19]An mhuintir úd a scaipeadh ag an ngéarleanúint a tharla mar gheall ar Stiofán, ghluais siad rompu chomh fada le Féinice agus leis an gCipir agus le hAintíoch. Níor fhógair siad an briathar, áfach, ach do na Giúdaigh amháin.

[20]Ach bhí daoine áirithe orthu - Ciprigh agus Cuiréanaigh ba ea iad - agus nuair a bhain siad Aintíoch amach thosaigh siad ag caint leis na Gréagaigh chomh maith agus ag fógairt dea-scéal an Tiarna Íosa dóibh.

[21]Bhí lámh Dé leo san obair agus is iomaí duine a ghlac an creideamh agus a d'iompaigh chun an Tiarna.

[22]Tháinig scéala fúthu go dtí an Eaglais in Iarúsailéim agus sheol siad Barnabas go hAintíoch.

[23]Nuair a shroich sé an áit agus nuair a chonaic sé grásta Dé ann, bhí áthas air, agus chomhairligh sé dóibh go léir cloí leis an Tiarna go daingean diongbháilte.

24 Porque era homem bom, cheio do Espírito Santo e de fé. E muita gente se uniu ao SENHOR.

25 E partiu Barnabé para Tarso à procura de Saulo;

26 tendo-o encontrado, levou-o para Antioquia. E, por todo um ano, se reuniram naquela igreja e ensinaram numerosa multidão. Em Antioquia, foram os discípulos, pela primeira vez, chamados cristãos.

Ágabo prediz grande fome

27 Naqueles dias, desceram alguns profetas de Jerusalém para Antioquia,

28 e, apresentando-se um deles, chamado Ágabo, dava a entender, pelo Espírito, que estava para vir grande fome por todo o mundo, a qual sobreveio nos dias de Cláudio.

29 Os discípulos, cada um conforme as suas posses, resolveram enviar socorro aos irmãos que moravam na Judéia;

30 o que eles, com efeito, fizeram, enviando-o aos presbíteros por intermédio de Barnabé e de Saulo.

24Fear maith a bhí ann agus é lán den Spiorad Naomh agus de chreideamh. Agus cuireadh slua maith mór le buíon an Tiarna.

25D'imigh Barnabas go Tarsas ag lorg Shóil,

26agus tar éis dó é a fháil, thug sé leis go hAintíoch é. Thug siad bliain iomlán ar aíocht ag an Eaglais ann agus thug siad teagasc dá lán daoine. Agus tharla gur in Aintíoch is túisce a tugadh Cr*íostaithe* ar na deisceabail.

27Sna laethanta sin tháinig fáithe anuas ó Iarúsailéim go hAintíoch.

28D'éirigh duine acu darb ainm Agabas agus thug sé le fios faoi luí an Spioraid go raibh gorta mór le teacht ar an domhan iomlán - rud a tharla in aimsir Chlauidias.

29Mar sin de, bheartaigh na deisceabail - gach duine acu de réir a ghustail - ar chabhair airgid a chur chun na mbráithre a bhí ina gcónaí in Iúdáia.

30Rinne siad amhlaidh agus chuir siad Barnabas agus Sól go dtí na seanóirí leis an airgead.

Atos 12

Herodes persegue a Tiago e a Pedro

1 Por aquele tempo, mandou o rei Herodes prender alguns da igreja para os maltratar,

2 fazendo passar a fio de espada a Tiago, irmão de João.

Gníomhartha 12

Séamas á Bhású agus Peadar á chur i bPríosún

1Um an dtaca seo is ea d'imir Héaród rí an lámh throm ar chuid de bhaill na hEaglaise.

2Chuir sé Séamas deartháir Eoin chun báis leis an gclaíomh.

[3] Vendo ser isto agradável aos judeus, prosseguiu, prendendo também a Pedro. E eram os dias dos pães asmos.

[4] Tendo-o feito prender, lançou-o no cárcere, entregando-o a quatro escoltas de quatro soldados cada uma, para o guardarem, tencionando apresentá-lo ao povo depois da Páscoa.

[5] Pedro, pois, estava guardado no cárcere; mas havia oração incessante a Deus por parte da igreja a favor dele.

[6] Quando Herodes estava para apresentá-lo, naquela mesma noite, Pedro dormia entre dois soldados, acorrentado com duas cadeias, e sentinelas à porta guardavam o cárcere.

[7] Eis, porém, que sobreveio um anjo do SENHOR, e uma luz iluminou a prisão; e, tocando ele o lado de Pedro, o despertou, dizendo: Levanta-te depressa! Então, as cadeias caíram-lhe das mãos.

[8] Disse-lhe o anjo: Cinge-te e calça as sandálias. E ele assim o fez. Disse-lhe mais: Põe a capa e segue-me.

Pedro é livre da prisão

[9] Então, saindo, o seguia, não sabendo que era real o que se fazia por meio do anjo; parecia-lhe, antes, uma visão.

[10] Depois de terem passado a primeira e a segunda sentinela, chegaram ao portão de ferro que dava para a cidade, o qual se lhes abriu automaticamente; e, saindo, enveredaram por uma rua, e logo adiante o anjo se apartou dele.

[3]Nuair a chonaic sé gur thaitin sin leis na Giúdaigh, chinn sé ar Pheadar a ghabháil chomh maith. Laethanta an tslimaráin a bhí ann,

[4]agus tar éis dó é a ghabháil, chuir sé i bpríosún é agus d'fhág ceithre scuaid saighdiúirí á choimeád agus é de rún aige é a thabhairt os comhair an phobail tar éis na Cásca.

[5]Fad a bhí Peadar á choimeád sa phríosún, áfach, bhí urnaí á déanamh gan staonadh chun Dé ar a shon ag an Eaglais.

[6]An oíche sula raibh Héaród chun é a thabhairt os comhair an phobail, bhí Peadar ina chodladh idir beirt shaighdiúirí agus dhá shlabhra faoi agus bhí garda os comhair an gheata ag faire an phríosúin.

[7]Go tobann sheas aingeal ón Tiarna os a chomhair agus las solas sa seomra. Bhuail an t-aingeal Peadar sa chliathán agus dhúisigh é á rá: “Éirigh i do sheasamh go tapa.” Leis sin thit na slabhraí dá lámha.

[8]“Fáisc ort do chrios agus cuir ort do bhróga,” arsa an t-aingeal leis, agus rinne sé amhlaidh. “Cuir umat do bhrat,” arsa an t-aingeal arís leis, “agus lean mise.”

[9]Lean sé amach é agus gan a fhios aige gur fíor a raibh á dhéanamh ag an aingeal; cheap sé gur aisling a bhí á feiceáil aige.

[10]Ghluais siad thar an gcéad gharda agus thar an dara garda nó gur tháinig siad go dtí an geata iarainn a sheolann chun na cathrach. D'oscail an geata dóibh uaidh féin agus amach leo. Shiúil siad rompu fad

sráide agus ansin de phreab, d'imigh an t-aingeal as a radharc.

11 Então, Pedro, caindo em si, disse: Agora, sei, verdadeiramente, que o SENHOR enviou o seu anjo e me livrou da mão de Herodes e de toda a expectativa do povo judaico.

11Nuair a tháinig Peadar chuige féin, dúirt sé: “Tá a fhios agam anois go fíor gur chuir an Tiarna a aingeal chugam agus gur fhuascail sé ó lámha Héaróid mé agus ó gach ní dá raibh an pobal Giúdach ag súil leis.”

12 Considerando ele a sua situação, resolveu ir à casa de Maria, mãe de João, cognominado Marcos, onde muitas pessoas estavam congregadas e oravam.

12Nuair a tuigeadh an méid sin dó, chuaigh sé go dtí teach Mháire, máthair Eoin dar chomhainm Marcas, mar a raibh slua mór bailithe agus iad ag déanamh urnaí.

13 Quando ele bateu ao postigo do portão, veio uma criada, chamada Rode, ver quem era;

13Chnag sé ar dhoras an halla agus tháinig cailín aimsire darbh ainm Rós chun an doras á oscailt dó.

14 reconhecendo a voz de Pedro, tão alegre ficou, que nem o fez entrar, mas voltou correndo para anunciar que Pedro estava junto do portão.

14Nuair a d'aithin sí guth Pheadair, le méid an áthais a bhí uirthi, in ionad an doras a oscailt, rith sí isteach ag fógairt dóibh go raibh Peadar ina sheasamh ag an doras.

15 Eles lhe disseram: Estás louca. Ela, porém, persistia em afirmar que assim era. Então, disseram: É o seu anjo.

15“Ag rámhaillí atá tú,” ar siadsan léi, ach dhearbhaigh sise gurbh fhíor a scéal. “Is é a aingeal coimhdeachta atá ann,” arsa siadsan.

16 Entretanto, Pedro continuava batendo; então, eles abriram, viram-no e ficaram atônitos.

16Lean Peadar air ag bualadh ar an doras agus nuair a d'oscail siad dó, chonaic siad é agus tháinig alltacht orthu.

17 Ele, porém, fazendo-lhes sinal com a mão para que se calassem, contou-lhes como o SENHOR o tirara da prisão e acrescentou: Anunciai isto a Tiago e aos irmãos. E, saindo, retirou-se para outro lugar.

17Ach rinne Peadar comhartha láimhe dóibh bheith ina dtost agus d'aithris dóibh mar a thug an Tiarna amach as an bpríosún é. “Insígí an scéal seo do Shéamas agus do na bráithre,” ar seisean ag imeacht uathu agus ag dul go háit eile.

[18] Sendo já dia, houve não pouco alvoroço entre os soldados sobre o que teria acontecido a Pedro.
[19] Herodes, tendo-o procurado e não o achando, submetendo as sentinelas a inquérito, ordenou que fossem justiçadas. E, descendo da Judéia para Cesaréia, Herodes passou ali algum tempo.

A morte de Herodes

[20] Ora, havia séria divergência entre Herodes e os habitantes de Tiro e de Sidom; porém estes, de comum acordo, se apresentaram a ele e, depois de alcançar o favor de Blasto, camarista do rei, pediram reconciliação, porque a sua terra se abastecia do país do rei.

[21] Em dia designado, Herodes, vestido de trajo real, assentado no trono, dirigiu-lhes a palavra;
[22] e o povo clamava: É voz de um deus, e não de homem!
[23] No mesmo instante, um anjo do SENHOR o feriu, por ele não haver dado glória a Deus; e, comido de vermes, expirou.
[24] Entretanto, a palavra do SENHOR crescia e se multiplicava.
[25] Barnabé e Saulo, cumprida a sua missão, voltaram de Jerusalém, levando também consigo a João, apelidado Marcos.

Atos 13

Barnabé e Saulo. A primeira viagem missionária

[1] Havia na igreja de Antioquia profetas e mestres: Barnabé, Simeão, por sobrenome

[18]Nuair a bhí sé ina lá, bhí buairt nár bheag ar na saighdiúirí i dtaobh cad ba chor do Pheadar.
[19]Chuir Héaród lorg air agus nuair nach raibh aon fháil air, scrúdaigh sé na gardaí agus d'ordaigh iad a chur chun báis. Ansin chuaigh sé síos ó Iúdáia go Céasaráia agus thug tamall ann.

Bás Héaróid

[20]Ag an am seo bhí colg ar Héaród le muintir na Tuíre agus na Síodóine, ach tháinig an dá mhuintir le chéile ar thoscaireacht chuige. Tar éis dóibh Blastas, maor teallaigh an rí, a thabhairt ar a dtaobh, d'iarr siad síocháin ar an rí de bhrí gur ón dúiche ríoga a tháinig lón bia a dtíre féin.
[21]An lá a bhí ceaptha dó bhí Héaród cóirithe ina éide rí, shuigh sé faoi ar an suí breithimh agus thug óráid dóibh.
[22]Thosaigh an pobal ag béiceadh: “Ní guth duine é seo ach guth Dé.”
[23]Agus ar an mball bhuail aingeal an Tiarna ar lár é de chionn nár thug sé onóir do Dhia. Fuair sé bás agus é á ithe ag péisteanna.

[24]Lean briathar Dé ag fás agus ag leathnú.

[25]Tar éis dóibh a misean a chur i gcríoch d'fhill Barnabas agus Sól [ó] Iarúsailéim agus thug siad Eoin Marcas leo.

Gníomhartha 13

Barnabas agus Sól ag Tosú ar a Misean

[1]Bhí san Eaglais in Aintíoch na fáithe agus na múinteoirí seo a leanas: Barnabas,

Níger, Lúcio de Cirene, Manaém, colaço de Herodes, o tetrarca, e Saulo.

[2] E, servindo eles ao SENHOR e jejuando, disse o Espírito Santo: Separai-me, agora, Barnabé e Saulo para a obra a que os tenho chamado.

[3] Então, jejuando, e orando, e impondo sobre eles as mãos, os despediram.

Elimas, o mágico

[4] Enviados, pois, pelo Espírito Santo, desceram a Selêucia e dali navegaram para Chipre.

[5] Chegados a Salamina, anunciavam a palavra de Deus nas sinagogas judaicas; tinham também João como auxiliar.

[6] Havendo atravessado toda a ilha até Pafos, encontraram certo judeu, mágico, falso profeta, de nome Barjesus,

[7] o qual estava com o procônsul Sérgio Paulo, que era homem inteligente. Este, tendo chamado Barnabé e Saulo, diligenciava para ouvir a palavra de Deus.

[8] Mas opunha-se-lhes Elimas, o mágico (porque assim se interpreta o seu nome), procurando afastar da fé o procônsul.

[9] Todavia, Saulo, também chamado Paulo, cheio do Espírito Santo, fixando nele os olhos, disse:

Simeon - Simeon Dubh mar a thugtaí air, Lúicías Cuiréanach, Manaéan a bhí ina chomhalta ag Héaród an rí cúige, agus Sól.

[2]Lá dá raibh siad ag seirbhís don Tiarna agus ag déanamh troscadh, labhair an Spiorad Naomh: “Cuirigí ar leith dom,” ar seisean, “Barnabas agus Sól chun dul i mbun na hoibre a bhfuil siad glaoite agam ina comhair.”

[3]Ansin tar éis dóibh troscadh agus urnaí a dhéanamh, leag siad a lámha orthu agus chuir chun siúil iad.

Barnabas agus Sól sa Chipir

[4]Ghluais siad chun bealaigh faoi threoir an Spioraid Naoimh. Chuaigh siad síos go Seiliúicia agus as sin ar bord loinge go dtí an Chipir.

[5]Ar shroichint Shalamais dóibh, d'fhógair siad briathar Dé i sionagóga na nGiúdach. Bhí Eoin ina chúntóir acu san obair.

[6]Shiúil siad an t-oileán ar fad chomh fada le Pafos, áit ar casadh orthu Giúdach darbh ainm Bairéasas, fear a bhí ina dhraoi agus a mhaígh gurbh fháidh é féin.

[7]I gcuideachta Sheirgias Paulas próchonsal a bhíodh sé. Fear saoithiúil ba ea eisean agus ghlaoigh sé chuige Barnabas agus Sól mar bhí fonn air briathar Dé a chloisteáil.

[8]Ach chuir Eilimeas draoi - is ionann a ainm “Eilimeas” agus draoi - ina gcoinne d'fhonn an próchonsal a choimeád ón gcreideamh.

[9]Ach bhí Sól - nó Pól is é sin - lán den Spiorad Naomh agus d'fhéach idir an dá shúil air:

[10] Ó filho do diabo, cheio de todo o engano e de toda a malícia, inimigo de toda a justiça, não cessarás de perverter os retos caminhos do SENHOR?

[11] Pois, agora, eis aí está sobre ti a mão do SENHOR, e ficarás cego, não vendo o sol por algum tempo. No mesmo instante, caiu sobre ele névoa e escuridade, e, andando à roda, procurava quem o guiasse pela mão.

[12] Então, o procônsul, vendo o que sucedera, creu, maravilhado com a doutrina do SENHOR.

João Marcos volta a Jerusalém

[13] E, navegando de Pafos, Paulo e seus companheiros dirigiram-se a Perge da Panfília. João, porém, apartando-se deles, voltou para Jerusalém.

[14] Mas eles, atravessando de Perge para a Antioquia da Pisídia, indo num sábado à sinagoga, assentaram-se.

[15] Depois da leitura da lei e dos profetas, os chefes da sinagoga mandaram dizer-lhes: Irmãos, se tendes alguma palavra de exortação para o povo, dizei-a.

O testemunho de Paulo em Antioquia

[16] Paulo, levantando-se e fazendo com a mão sinal de silêncio, disse: Varões israelitas e vós outros que também temeis a Deus, ouvi.

[17] O Deus deste povo de Israel escolheu nossos pais e exaltou o povo durante sua

[10]“A dhuine atá lán den uile chealg is ghliceas,” ar seisean, “a mhic an diabhail agus a namhaid na huile chóra, nach stadfá de bheith ag camadh slite díreacha an Tiarna?

[11]Féach, tá lámh an Tiarna anois ort: beidh tú dall agus ní fheicfidh tú an ghrian go dtí an uair atá ceaptha aige.” Ar an mball tháinig scamall dorcha anuas air agus thosaigh sé ag dul timpeall ag lorg daoine a dhéanfadh giollaíocht air.

[12]Nuair a chonaic an próchonsal an ní a tharla, tháinig alltacht air faoi theagasc an Tiarna agus chreid sé.

Pól agus Barnabas in Aintíoch na Pisíde

[13]Chuaigh Pól agus a bhuíon chun farraige ó Phafos agus tháinig siad go Peirgé i bPaimfile. D'fhág Eoin ansin iad agus chuaigh ar ais go Iarúsailéim.

[14]Lean siadsan orthu nó gur tháinig siad go dtí Aintíoch na Pisíde. Chuaigh siad isteach sa tsionagóg lá na sabóide agus shuigh siad fúthu.

[15]Nuair a bhí léamh an dlí agus na bhfáithe i leataobh, chuir uachtaráin na sionagóige teachtaireacht chucu á rá: “Má tá aon fhocal spreagtha agaibh don phobal, a bhráithre, abraigí é.”

[16]D'éirigh Pól ina sheasamh, thug comhartha láimhe dóibh agus thosaigh ag caint: “A fheara Iosrael,” ar seisean, “agus sibhse a bhfuil ómós agaibh do Dhia, éistigí liom.

[17]Dia an phobail seo Iosrael, rinne sé ár n-aithreacha a thoghadh; agus fad a bhí

peregrinação na terra do Egito, donde os tirou com braço poderoso;

siad ina gcoimhthígh san Éigipt rinne sé pobal mór díobh. Ansin sheol amach as sin iad le neart a láimhe

[18] e suportou-lhes os maus costumes por cerca de quarenta anos no deserto;

[18]agus [sholáthraigh] sé dóibh ar feadh daichead bliain san fhásach.

[19] e, havendo destruído sete nações na terra de Canaã, deu-lhes essa terra por herança,

[19]Agus tar éis dó seacht dtreibh i gCanán a dhíothú thug sé seilbh na tíre dóibh ar feadh timpeall ceithre chéad caoga bliain.

[20] vencidos cerca de quatrocentos e cinqüenta anos. Depois disto, lhes deu juízes, até o profeta Samuel.

[20]Ansin thug sé breithiúna dóibh go dtí aimsir Shamúéil fáidh.”

[21] Então, eles pediram um rei, e Deus lhes deparou Saul, filho de Quis, da tribo de Benjamim, e isto pelo espaço de quarenta anos.

[21]“Ina dhiaidh sin d'iarr siad rí a bheith orthu, agus thug Dia Sól mac Chís, fear de threibh Bhiniáimin, dóibh mar rí go ceann daichead bliain.

[22] E, tendo tirado a este, levantou-lhes o rei Davi, do qual também, dando testemunho, disse: Achei Davi, filho de Jessé, homem segundo o meu coração, que fará toda a minha vontade.

[22]Chuir sé as oifig ansin é agus d'ardaigh rí dóibh, Dáiví, an fear ar dhearbhaigh sé ina thaobh á rá: ‘Is é m'aithne ar Dháiví mac Ieise, gur fear de réir mo chroí féin é, fear a dhéanfaidh gach ní is toil liom.’

[23] Da descendência deste, conforme a promessa, trouxe Deus a Israel o Salvador, que é Jesus,

[23]Is dá shliocht siúd a thóg Dia slánaitheoir d'Iosrael de réir mar a bhí geallta aige - is é sin Íosa.

[24] havendo João, primeiro, pregado a todo o povo de Israel, antes da manifestação dele, batismo de arrependimento.

[24]Roimh theacht dó sin bhí Eoin tar éis baisteadh chun aithrí a fhógairt do phobal uile Iosrael,

[25] Mas, ao completar João a sua carreira, dizia: Não sou quem supondes; mas após mim vem aquele de cujos pés não sou digno de desatar as sandálias.

[25]agus nuair a bhí Eoin ag teacht go deireadh a chúrsa, is é a dúirt sé: ‘Ní mise an té is dóigh libhse is mé, mar tá duine le teacht i mo dhiaidhse agus ní fiú mise go scaoilfinn a bhróga.’

[26] Irmãos, descendência de Abraão e vós outros os que temeis a Deus, a nós nos foi enviada a palavra desta salvação.

[26]A bhráithre liom, a shliocht Abrahám agus a mhuintir in bhur measc a bhfuil ómós agaibh do Dhia, is chugainne a

cuireadh an teachtaireacht shlánaitheach seo.

[27] Pois os que habitavam em Jerusalém e as suas autoridades, não conhecendo Jesus nem os ensinos dos profetas que se lêem todos os sábados, quando o condenaram, cumpriram as profecias;

[27]Níor aithin muintir Iarúsailéim ná a gcuid uachtarán [Íosa], ach nuair a dhaor siad é, is amhlaidh a chuir siad i gcrích ráite úd na bhfáithe a bhíodh á léamh dóibh gach lá sabóide.

[28] e, embora não achassem nenhuma causa de morte, pediram a Pilatos que ele fosse morto.

[28]Cé nach bhfuair siad aon chúis bháis ann d'iarr siad ar Phioláit é a chur den saol.

[29] Depois de cumprirem tudo o que a respeito dele estava escrito, tirando-o do madeiro, puseram-no em um túmulo.

[29]Agus nuair a bhí gach ní dá raibh scríofa ina thaobh comhlíonta acu thóg siad anuas den chrann é agus shín i dtuama é.

[30] Mas Deus o ressuscitou dentre os mortos;

[30]Ach thóg Dia ó mhairbh é

[31] e foi visto muitos dias pelos que, com ele, subiram da Galiléia para Jerusalém, os quais são agora as suas testemunhas perante o povo.

[31]agus ar feadh mórán laethanta chonacthas é dóibh sin a tháinig anuas leis ón nGailíl go Iarúsailéim agus is finnéithe anois iad air os comhair an phobail.

[32] Nós vos anunciamos o evangelho da promessa feita a nossos pais,

[32]Agus seo é an dea-scéal atá le fógairt againne daoibh: an gealltanas úd a rinneadh dár sinsir,

[33] como Deus a cumpriu plenamente a nós, seus filhos, ressuscitando a Jesus, como também está escrito no Salmo segundo: Tu és meu Filho, eu, hoje, te gerei.

[33]go bhfuil Dia tar éis é a chomhlíonadh dúinne, dá sliocht, trí Íosa a thógáil ó mhairbh, de réir mar atá scríofa sa dara salm: 'Is tusa mo mhac. Inniu féin a ghin mé thú.'

[34] E, que Deus o ressuscitou dentre os mortos para que jamais voltasse à corrupção, desta maneira o disse: E cumprirei a vosso favor as santas e fiéis promessas feitas a Davi.

[34]Agus i dtaobh é a thógáil ó mhairbh gan aon mheathlú a theacht air go deo, is é atá ráite aige: 'Tabharfaidh mé daoibh na beannachtaí naofa a gealladh do Dháiví.'

[35] Por isso, também diz em outro Salmo: Não permitirás que o teu Santo veja corrupção.

[35]Agus deir sé áit eile: 'Ní ligfidh mé do do shearbhónta naofa an meathlú a fhulaingt.'

[36] Porque, na verdade, tendo Davi servido à sua própria geração, conforme o desígnio de Deus, adormeceu, foi para junto de seus pais e viu corrupção.
[37] Porém aquele a quem Deus ressuscitou não viu corrupção.
[38] Tomai, pois, irmãos, conhecimento de que se vos anuncia remissão de pecados por intermédio deste;
[39] e, por meio dele, todo o que crê é justificado de todas as coisas das quais vós não pudestes ser justificados pela lei de Moisés.

[40] Notai, pois, que não vos sobrevenha o que está dito nos profetas:

[41] Vede, ó desprezadores, maravilhai-vos e desvanecei, porque eu realizo, em vossos dias, obra tal que não crereis se alguém vo-la contar.

Instados a pregar no sábado seguinte

[42] Ao saírem eles, rogaram-lhes que, no sábado seguinte, lhes falassem estas mesmas palavras.

[43] Despedida a sinagoga, muitos dos judeus e dos prosélitos piedosos seguiram Paulo e Barnabé, e estes, falando-lhes, os persuadiam a perseverar na graça de Deus.

Paulo e Barnabé vão para os gentios

[44] No sábado seguinte, afluiu quase toda a cidade para ouvir a palavra de Deus.

[36]Mar nuair a bhí comhairle Dé curtha i gcrích ag Dáiví i gcaitheamh a shaoil, fuair sé bás agus adhlacadh é taobh lena shinsir agus d'imigh meathlú air.
[37]Ach an té a thóg Dia ó mhairbh níor imigh aon mheathlú air.
[38]Bíodh a fhios agaibh, dá bhrí sin, a bhráithre, gurb é maithiúnas na bpeacaí trídsean a fhógraítear daoibh,

[39]agus gur trídsean a shaortar gach creidmheach ar na nithe uile nár fhéad dlí Mhaois é a shaoradh orthu.

[40]Bígí ar bhur n-aire, dá bhrí sin, le heagla go dtiocfaidh oraibh an ní atá luaite ag na fáithe:
[41]‘Breathnaígí, a lucht na tarcaisne, Glacaigí alltacht agus ceiliúraigí. Mar tá obair le déanamh agamsa le bhur linn, obair nach gcreidfeadh sibh dá n-inseofaí daoibh é.’ ”

[42]Ag fágáil dóibh, d'impigh siad orthu labhairt ar an téama céanna an tsabóid dár gcionn.
[43]Agus nuair a scoir an comhthionól, bhí cuid mhaith de na Giúdaigh agus de na hiompaithigh dhiaganta a lean Pól agus Barnabas. Ina gcomhrá leo mhol Pól agus Barnabas dóibh bheith buanseasmhach i ngrásta Dé.

Pól ag Iompú chuig na Páganaigh

[44]An tsabóid dár gcionn tháinig an chathair ar fad beagnach le chéile ag éisteacht le briathar Dé.

[45] Mas os judeus, vendo as multidões, tomaram-se de inveja e, blasfemando, contradiziam o que Paulo falava.

[46] Então, Paulo e Barnabé, falando ousadamente, disseram: Cumpria que a vós outros, em primeiro lugar, fosse pregada a palavra de Deus; mas, posto que a rejeitais e a vós mesmos vos julgais indignos da vida eterna, eis aí que nos volvemos para os gentios.

[47] Porque o SENHOR assim no-lo determinou: Eu te constituí para luz dos gentios, a fim de que sejas para salvação até aos confins da terra.

[48] Os gentios, ouvindo isto, regozijavam-se e glorificavam a palavra do SENHOR, e creram todos os que haviam sido destinados para a vida eterna.

[49] E divulgava-se a palavra do SENHOR por toda aquela região.

[50] Mas os judeus instigaram as mulheres piedosas de alta posição e os principais da cidade e levantaram perseguição contra Paulo e Barnabé, expulsando-os do seu território.

[51] E estes, sacudindo contra aqueles o pó dos pés, partiram para Icônio.

[52] Os discípulos, porém, transbordavam de alegria e do Espírito Santo.

Atos 14

Paulo e Barnabé em Icônio

[45]Nuair a chonaic na Giúdaigh na sluaite daoine, bhí siad lán d'fhormad agus bhréagnaigh siad go tarcaisniúil gach a raibh á rá ag Pól.

[46]Ach dúirt Pól agus Barnabas leo go neamhbhalbh: "Is daoibhse ab éigean briathar Dé a labhairt ar dtús; ach ós rud é go bhfuil sibh ag cur suas de agus gur dóigh libh féin nach fiú sibh an bheatha shíoraí a bheith agaibh, táimidne ag iompú chun na bpágánach.

[47]Mar sin é an t-ordú atá faighte ón Tiarna againn: 'Tá tú ceaptha agam le bheith i do sholas do na náisiúin, ionas go mbeidh tú i d'ábhar slánaithe go himeall an domhain.' "

[48]Bhí áthas ar na págánaigh an méid sin a chloisteáil agus bhí ardmholadh acu ar bhriathar an Tiarna; agus an méid acu a bhí réamhcheaptha don bheatha shíoraí, ghlac siad an creideamh,

[49]agus bhí briathar Dé á fhógairt go forleathan ar fud na tíre go léir.

[50]Ach rinne na Giúdaigh séideadh faoi mhná uaisle diaganta na cathrach agus faoi na cinn urra, thosaigh siad ar ghéarleanúint a dhéanamh ar Phól agus ar Bharnabas agus thiomáin amach as an dúiche iad.

[51]Chroith siadsan an deannach dá gcosa orthu agus as go brách leo go hIocoiniam.

[52]Agus bhí na deisceabail lán d'áthas agus den Spiorad Naomh.

Gníomhartha 14

Pól agus Barnabas in Iocoiniam

[1] Em Icônio, Paulo e Barnabé entraram juntos na sinagoga judaica e falaram de tal modo, que veio a crer grande multidão, tanto de judeus como de gregos.

[2] Mas os judeus incrédulos incitaram e irritaram os ânimos dos gentios contra os irmãos.

[3] Entretanto, demoraram-se ali muito tempo, falando ousadamente no SENHOR, o qual confirmava a palavra da sua graça, concedendo que, por mão deles, se fizessem sinais e prodígios.

[4] Mas dividiu-se o povo da cidade: uns eram pelos judeus; outros, pelos apóstolos.

[5] E, como surgisse um tumulto dos gentios e judeus, associados com as suas autoridades, para os ultrajar e apedrejar,

[6] sabendo-o eles, fugiram para Listra e Derbe, cidades da Licaônia e circunvizinhança,

[7] onde anunciaram o evangelho.

A cura de um coxo em Listra

[8] Em Listra, costumava estar assentado certo homem aleijado, paralítico desde o seu nascimento, o qual jamais pudera andar.

[9] Esse homem ouviu falar Paulo, que, fixando nele os olhos e vendo que possuía fé para ser curado,

[1]Tharla an rud céanna in Iocoiniam: chuaigh siad isteach i sionagóg na nGiúdach agus labhair chomh héifeachtach sin leo gur ghlac cuid mhaith Giúdach agus Gréagach leis an gcreideamh.

[2]Na Giúdaigh nár ghlac an creideamh, áfach, ghríosaigh siad na págánaigh agus chlaon siad a n-aigne i gcoinne na mbráithre.

[3]Mar sin féin thug siad tamall maith ann agus iad ag labhairt le lánmhuinín as an Tiarna, agus dheimhnigh seisean scéal a ghrásta leis na héachtaí agus na míorúiltí a dheonaigh sé dóibh a dhéanamh.

[4]Bhí pobal na cathrach deighilte ina dhá chuid: cuid acu ag taobhú leis na Giúdaigh agus cuid eile ag taobhú leis na haspail.

[5]Ach nuair a chuir na Giúdaigh agus na págánaigh, mar aon lena lucht ceannais, chun easmailt a thabhairt dóibh agus iad a chlochadh,

[6]fuair siad sin eolas air agus theith siad go dtí bailte Lucaóine, go dtí Liostra agus Deirbé agus na críocha máguaird,

[7]mar ar lean siad leo ag fogairt an dea-scéil.

I Liostra

[8]Bhí ina shuí i Liostra fear a bhí gan lúth na gcos: bhí sé ina mhairtíneach ó bhroinn a mháthar agus níor shiúil sé riamh.

[9]Bhí an fear seo ag éisteacht le Pól ag caint, agus nuair a d'fhéach Pól idir an dá shúil air chonaic sé go raibh creideamh a leighiste aige,

[10] disse-lhe em alta voz: Apruma-te direito sobre os pés! Ele saltou e andava.

[11] Quando as multidões viram o que Paulo fizera, gritaram em língua licaônica, dizendo: Os deuses, em forma de homens, baixaram até nós.

[12] A Barnabé chamavam Júpiter, e a Paulo, Mercúrio, porque era este o principal portador da palavra.

[13] O sacerdote de Júpiter, cujo templo estava em frente da cidade, trazendo para junto das portas touros e grinaldas, queria sacrificar juntamente com as multidões.

[14] Porém, ouvindo isto, os apóstolos Barnabé e Paulo, rasgando as suas vestes, saltaram para o meio da multidão, clamando:

[15] Senhores, por que fazeis isto? Nós também somos homens como vós, sujeitos aos mesmos sentimentos, e vos anunciamos o evangelho para que destas coisas vãs vos convertais ao Deus vivo, que fez o céu, a terra, o mar e tudo o que há neles;

[16] o qual, nas gerações passadas, permitiu que todos os povos andassem nos seus próprios caminhos;

[17] contudo, não se deixou ficar sem testemunho de si mesmo, fazendo o bem, dando-vos do céu chuvas e estações frutíferas, enchendo o vosso coração de fartura e de alegria.

[10]agus dúirt sé de ghuth ard: “Éirigh i do sheasamh ar do chosa.” Agus léim sé ina sheasamh agus thosaigh ag siúl.

[11]Nuair a chonaic na sluaite cad a bhí déanta ag Pól, d'ardaigh siad a nglór, á rá i dteanga na Lucaóine: “Tá na déithe tagtha anuas inár measc i gcló daoine.”

[12]Thug siad Séas ar Bharnabas, agus toisc gurbh é Pól an príomhchainteoir thug siad Heirméas airsean.

[13]Agus sagart Shéas, a bhfuil a theampall lasmuigh den bhaile, thug sé féin agus an pobal tairbh agus bláthfhleasca go dtí na geataí d'fhonn íobairt a dhéanamh.

[14]Nuair a d'airigh na haspail, Pól agus Barnabas, é, stróic siad a gcuid éadaigh agus rith siad amach faoi dhéin an tslua agus iad ag liúireach:

[15]“A fheara,” ar siad, “cad ab áil libh é seo a dhéanamh? Níl ionainne ach daoine daonna cosúil libh féin, agus táimid a fhógairt mar dhea-scéal daoibh éirí as na nithe baotha seo agus iompú ar an Dia beo a rinne neamh agus talamh agus an fharraige agus gach a bhfuil iontu.

[16]Sna glúinte atá thart lig Dia do na ciníocha a mbealach féin a ghabháil,

[17]ach níor fhág sé riamh iad gan fhianaise air féin; as a rathúnas sheol sé báisteach chugaibh ón spéir agus torthaí i dtráth agus líon bhur gcroí de bhia agus d'áthas.”

[18] Dizendo isto, foi ainda com dificuldade que impediram as multidões de lhes oferecerem sacrifícios.

[18]Ainneoin na cainte sin, ar éigean a d'éirigh leo na sluaite a chosc ar an íobairt a dhéanamh dóibh.

Paulo é apedrejado

[19] Sobrevieram, porém, judeus de Antioquia e Icônio e, instigando as multidões e apedrejando a Paulo, arrastaram-no para fora da cidade, dando-o por morto.

[19]Ansin tháinig roinnt Giúdach ó Aintíoch agus ó Iocoiniam, thug siad na sluaite ar a dtaobh agus tar éis dóibh Pól a chlochadh tharraing siad amach as an mbaile é agus iad á cheapadh go raibh sé marbh.

[20] Rodeando-o, porém, os discípulos, levantou-se e entrou na cidade. No dia seguinte, partiu, com Barnabé, para Derbe.

[20]Ach nuair a tháinig na deisceabail ina thimpeall, d'éirigh sé ina sheasamh agus chuaigh ar ais isteach sa chathair. An lá dár gcionn d'imigh sé féin agus Barnabas leo go Deirbé.

[21] E, tendo anunciado o evangelho naquela cidade e feito muitos discípulos, voltaram para Listra, e Icônio, e Antioquia,

[21]Tar éis dóibh an dea-scéal a fhógairt sa bhaile sin agus mórán deisceabal a dhéanamh, d'fhill siad arís ar Liostra agus ina dhiaidh sin ar Iocoiniam agus Aintíoch,

[22] fortalecendo a alma dos discípulos, exortando-os a permanecer firmes na fé; e mostrando que, através de muitas tribulações, nos importa entrar no reino de Deus.

[22]ag cur misnigh ar na deisceabail agus á spreagadh chun bheith dílis don chreideamh, “mar,” ar siad, “ní foláir dúinn mórán a fhulaingt chun dul isteach i ríocht Dé.”

[23] E, promovendo-lhes, em cada igreja, a eleição de presbíteros, depois de orar com jejuns, os encomendaram ao SENHOR em quem haviam crido.

[23]Thogh siad seanóirí dóibh ar gach Eaglais acu agus tar éis urnaithe agus troscadh a dhéanamh chuir siad iad faoi choimirce an Tiarna ina raibh a gcreideamh.

[24] Atravessando a Pisídia, dirigiram-se a Panfília.

[24]Shiúil siad an Phiséde ar fad nó gur tháinig siad go Paimfile;

[25] E, tendo anunciado a palavra em Perge, desceram a Atália

[25]agus tar éis dóibh an briathar a chraobhscaoileadh i bPeirgé chuaigh siad síos go hAtailia

[26] e dali navegaram para Antioquia, onde tinham sido recomendados à graça de Deus para a obra que haviam já cumprido.

[27] Ali chegados, reunida a igreja, relataram quantas coisas fizera Deus com eles e como abrira aos gentios a porta da fé.

[28] E permaneceram não pouco tempo com os discípulos.

Atos 15

A controvérsia sobre a circuncisão de gentios

[1] Alguns indivíduos que desceram da Judéia ensinavam aos irmãos: Se não vos circuncidardes segundo o costume de Moisés, não podeis ser salvos.

[2] Tendo havido, da parte de Paulo e Barnabé, contenda e não pequena discussão com eles, resolveram que esses dois e alguns outros dentre eles subissem a Jerusalém, aos apóstolos e presbíteros, com respeito a esta questão.

[3] Enviados, pois, e até certo ponto acompanhados pela igreja, atravessaram as províncias da Fenícia e Samaria e, narrando a conversão dos gentios, causaram grande alegria a todos os irmãos.

[4] Tendo eles chegado a Jerusalém, foram bem recebidos pela igreja, pelos apóstolos e pelos presbíteros e relataram tudo o que Deus fizera com eles.

[26]agus as sin ar bord loinge go hAintíoch - an áit ar cuireadh faoi choimirce ghrásta Dé iad le haghaidh na hoibre a bhí anois curtha i gcrích acu.

[27]Ar theacht dóibh, thionóil siad an Eaglais le chéile, agus d'eachtraigh dóibh a raibh déanta ag Dia i gcomhar leo agus mar a d'oscail sé doras an chreidimh do na págánaigh.

[28]Thug siad tamall fada ansiúd i bhfochair na ndeisceabal.

Gníomhartha 15

Comhchomhairle Iarúsailéim

[1]Tháinig daoine anuas ó Iúdáia agus thosaigh siad ag teagasc na mbráithre: “Mura ndéantar sibh a thimpeallghearradh de réir ghnás Mhaois,” ar siad, “ní féidir bhur slánú.”

[2]Bhí aighneas agus argóint fhada ag Pól agus ag Barnabas leo, agus shocraigh siad go rachadh Pól agus Barnabas agus roinnt eile acu go Iarúsailéim chun dul i gcomhairle leis na haspail agus leis na seanóirí faoin gceist seo.

[3]Rinne an Eaglais iad a thionlacan chun bealaigh, agus ag gabháil dóibh trí Fhéinice agus tríd an tSamáir, d'aithris siad dóibh mar a bhí na págánaigh ag iompú chun Dé, scéal a chuir ardáthas ar na bráithre go léir.

[4]Agus nuair a tháinig siad go Iarúsailéim, chuir an Eaglais agus na haspail agus na seanóirí fáilte rompu, agus d'eachtraigh siadsan dóibh a mhéid a bhí déanta ag Dia tríothu.

[5] Insurgiram-se, entretanto, alguns da seita dos fariseus que haviam crido, dizendo: É necessário circuncidá-los e determinar-lhes que observem a lei de Moisés.

A reunião dos apóstolos e presbíteros em Jerusalém

[6] Então, se reuniram os apóstolos e os presbíteros para examinar a questão.

[7] Havendo grande debate, Pedro tomou a palavra e lhes disse: Irmãos, vós sabeis que, desde há muito, Deus me escolheu dentre vós para que, por meu intermédio, ouvissem os gentios a palavra do evangelho e cressem.

[8] Ora, Deus, que conhece os corações, lhes deu testemunho, concedendo o Espírito Santo a eles, como também a nós nos concedera.

[9] E não estabeleceu distinção alguma entre nós e eles, purificando-lhes pela fé o coração.

[10] Agora, pois, por que tentais a Deus, pondo sobre a cerviz dos discípulos um jugo que nem nossos pais puderam suportar, nem nós?

[11] Mas cremos que fomos salvos pela graça do SENHOR Jesus, como também aqueles o foram.

O parecer de Tiago

[12] E toda a multidão silenciou, passando a ouvir a Barnabé e a Paulo, que contavam quantos sinais e prodígios Deus fizera por meio deles entre os gentios.

[5]Ach d'éirigh creidmhigh áirithe a bhain le haicme na bhFairisíneach agus dúirt siad nárbh fholáir na páganaigh a thimpeallghearradh agus a fhógairt orthu dlí Mhaois a choimeád.

[6]Tháinig na haspail agus na seanóirí i gceann a chéile chun an cheist seo a bhreithniú.

[7]Tar éis conspóide fada d'éirigh Peadar ina sheasamh agus labhair sé leo: "A bhráithre," ar seisean, "tá a fhios agaibh féin go ndearna Dia rogha eadrainn i bhfad ó shin gur ó mo bhéalsa a chloisfeadh na páganaigh teachtaireacht an dea-scéil agus go gcreidfidís ann.

[8]Agus an Dia a léann croí an duine chuaigh sé i mbannaí ar na páganaigh nuair a bhronn sé orthu an Spiorad Naomh faoi mar a bhronn sé orainne é.

[9]Ní dhearna sé dealú ar bith idir sinne agus iad ach a gcroí a ghlanadh de bharr a gcreidimh.

[10]Más ea, cad ab áil libhse bheith ag tabhairt dúshláin faoi Dhia anois agus cuing a chur ar mhuineál na ndeisceabal nár fhéadamar féin ná ár sinsir a iompar?

[11]Ní hea go deimhin mar go gcreidimid gur trí ghrásta an Tiarna Íosa atá slánú le fáil againn agus acu sin mar an gcéanna."

[12]D'fhan an slua go léir ina dtost, agus d'éist siad le Barnabas agus le Pól ag cur síos ar na míorúiltí agus ar na héachtaí a bhí déanta tríothu ag Dia i measc na bpágánach.

[13] Depois que eles terminaram, falou Tiago, dizendo: Irmãos, atentai nas minhas palavras:

[14] expôs Simão como Deus, primeiramente, visitou os gentios, a fim de constituir dentre eles um povo para o seu nome.

[15] Conferem com isto as palavras dos profetas, como está escrito:

[16] Cumpridas estas coisas, voltarei e reedificarei o tabernáculo caído de Davi; e, levantando-o de suas ruínas, restaurá-lo-ei.

[17] Para que os demais homens busquem o SENHOR, e também todos os gentios sobre os quais tem sido invocado o meu nome,

[18] diz o SENHOR, que faz estas coisas conhecidas desde séculos.

[19] Pelo que, julgo eu, não devemos perturbar aqueles que, dentre os gentios, se convertem a Deus,

[20] mas escrever-lhes que se abstenham das contaminações dos ídolos, bem como das relações sexuais ilícitas, da carne de animais sufocados e do sangue.

[21] Porque Moisés tem, em cada cidade, desde tempos antigos, os que o pregam nas sinagogas, onde é lido todos os sábados.

A decisão enviada a Antioquia

[22] Então, pareceu bem aos apóstolos e aos presbíteros, com toda a igreja, tendo elegido homens dentre eles, enviá-los, juntamente com Paulo e Barnabé, a Antioquia: foram Judas, chamado

[13]Agus nuair a bhí deireadh ráite acu d'fhreagair Séamas agus dúirt: “A bhráithre, éistigí liomsa.

[14]D'aithris Síomón daoibh mar a dheonaigh Dia don chéad uair pobal a bhailiú dó féin i measc na bpágánach.

[15]Is beart é sin a thagann le briathra na bhfáithe mar atá scríofa:

[16]‘Tiocfaidh mé ar ais ina dhiaidh sin, agus atógfaidh mé both Dháiví atá ar lár. Deiseoidh mé a fothracha agus cuirfidh mé ina seasamh arís í.

[17]Ansin beidh na daoine eile go léir ag lorg an Tiarna agus na náisiúin uile arb é m'ainmse atá orthu.

[18]Is é an Tiarna atá á rá seo agus tá eolas orthu le fada an lá.’ ”

[19]“Is é mo bhreithiúnas-sa, dá bhrí sin, gan aon chur isteach a dhéanamh ar na págánaigh atá ag iompú chun Dé

[20]ach litir a chur chucu a rá leo staonadh ón mbia a thruaillítear ag na híola, agus ón bpósadh coil agus ó fheoil na n-ainmhithe a tachtadh agus ón bhfuil.

[21]Mar tá Maois á léamh sna sionagóga gach lá sabóide agus níl cathair nach bhfuil lucht a fhógartha inti leis na cianta.”

[22]Ansin shocraigh na haspail agus na seanóirí agus an Eaglais ar fad ar dhaoine áirithe acu féin a thoghadh agus a chur go hAintíoch in éineacht le Pól agus le Barnabas. Agus chuir siad beirt a raibh

Barsabás, e Silas, homens notáveis entre os irmãos,

ardchéim acu i measc na mbráithre, Iúdás ar a dtugtaí Barsabas agus Síleas.

23 escrevendo, por mão deles: Os irmãos, tanto os apóstolos como os presbíteros, aos irmãos de entre os gentios em Antioquia, Síria e Cilícia, saudações.

23Thug siad dóibh an litir: "Beatha agus sláinte ó na bráithre idir aspail agus sheanóirí, chun na mbráithre de bhunadh págánach atá in Aintíoch agus sa tSír agus sa tSiléis.

24 Visto sabermos que alguns [que saíram] de entre nós, sem nenhuma autorização, vos têm perturbado com palavras, transtornando a vossa alma,

24Is clos dúinn go ndeachaigh daoine áirithe dár muintirne amach chugaibh agus go ndearna siad sibh a bhuaireamh agus bhur n-aigne a shuaitheadh lena gcuid teagaisc agus gan aon údarás acu uainne.

25 pareceu-nos bem, chegados a pleno acordo, eleger alguns homens e enviá-los a vós outros com os nossos amados Barnabé e Paulo,

25Bheartaíomar dá bhrí sin nár mhiste dúinn teacht le chéile agus teachtaí a thoghadh agus iad a chur chugaibh in éineacht lenár mbráithre ionúine Pól agus Barnabas,

26 homens que têm exposto a vida pelo nome de nosso SENHOR Jesus Cristo.

26beirt a bhfuil a n-anam curtha sa bhfiontar acu ar son ainm ár dTiarna Íosa Críost.

27 Enviamos, portanto, Judas e Silas, os quais pessoalmente vos dirão também estas coisas.

27Dá réir sin táimid ag seoladh Iúdáis agus Shíleas chugaibh agus tabharfaidh siadsan an tuairisc chéanna ó bhéal daoibh.

28 Pois pareceu bem ao Espírito Santo e a nós não vos impor maior encargo além destas coisas essenciais:

28Tá beartaithe ag an Spiorad Naomh agus againn féin gan aon ualach breise a leagan oraibh ach an méid seo atá riachtanach:

29 que vos abstenhais das coisas sacrificadas a ídolos, bem como do sangue, da carne de animais sufocados e das relações sexuais ilícitas; destas coisas fareis bem se vos guardardes. Saúde.

29sibh a staonadh ó nithe íobartha agus ó fhuil agus nithe tachtaithe agus ón bposadh coil. Má staonann sibh ó na nithe seo, beidh an ceart á dhéanamh agaibh. Slán agaibh."

A leitura da mensagem

30 Os que foram enviados desceram logo para Antioquia e, tendo reunido a comunidade, entregaram a epístola.

30Scaoileadh na toscairí chun siúil agus síos leo go hAintíoch mar ar bhailigh siad an pobal le chéile agus thug dóibh an litir.

[31] Quando a leram, sobremaneira se alegraram pelo conforto recebido.

[32] Judas e Silas, que eram também profetas, consolaram os irmãos com muitos conselhos e os fortaleceram.

[33] Tendo-se demorado ali por algum tempo, os irmãos os deixaram voltar em paz aos que os enviaram.

[34] [Mas pareceu bem a Silas permanecer ali.]

[35] Paulo e Barnabé demoraram-se em Antioquia, ensinando e pregando, com muitos outros, a palavra do SENHOR.

A segunda viagem missionária. Separação entre Paulo e Barnabé

[36] Alguns dias depois, disse Paulo a Barnabé: Voltemos, agora, para visitar os irmãos por todas as cidades nas quais anunciamos a palavra do SENHOR, para ver como passam.

[37] E Barnabé queria levar também a João, chamado Marcos.

[38] Mas Paulo não achava justo levarem aquele que se afastara desde a Panfília, não os acompanhando no trabalho.

[39] Houve entre eles tal desavença, que vieram a separar-se. Então, Barnabé, levando consigo a Marcos, navegou para Chipre.

[40] Mas Paulo, tendo escolhido a Silas, partiu encomendado pelos irmãos à graça do SENHOR.

[31]Agus is orthu bhí an t-áthas agus an sólás nuair a léigh siad í.

[32]Fáithe ba ea Iúdás agus Síleas, agus labhair siad ar feadh i bhfad leis na bráithre agus thug spreagadh agus misneach dóibh.

[33]Tar éis dóibh tamall maith a thabhairt ann chuir na bráithre slán leo ar ais chucu siúd a chuir amach iad.

[34](Bheartaigh Síleas fanacht ansiúd, ach d'imigh Iúdás leis féin.)

Scaradh na gCompánach

[35]D'fhan Pól agus Barnabas in Aintíoch, áfach, agus lean siad i dteannta a lán eile ag múineadh agus ag craobhscaoileadh scéal an Tiarna.

[36]Tamall ina dhiaidh sin dúirt Pól le Barnabas: “Téimis ar ais ag fiosrú na mbráithre i ngach cathair inar chraobhscaoileamar scéal an Tiarna, féachaint conas atá acu.”

[37]Ba mhian le Barnabas Eoin dá ngoirtí Marcas a thabhairt leo freisin,

[38]ach bhí Pól á éileamh gan an fear seo, a thréig iad i bPaimfile in ionad dul i mbun oibre leo, a thabhairt leo mar chompánach.

[39]Tharla aighneas eatarthu agus scar siad le chéile: thóg Barnabas Marcas leis agus chuaigh ar bord loinge go dtí an Chipir;

[40]thogh Pól Síleas agus, tar éis do na bráithre é a chur faoi choimirce ghrásta an Tiarna, d'imigh sé leis.

[41] E passou pela Síria e Cilícia, confirmando as igrejas.

Atos 16

Paulo leva consigo a Timóteo

[1] Chegou também a Derbe e a Listra. Havia ali um discípulo chamado Timóteo, filho de uma judia crente, mas de pai grego;

[2] dele davam bom testemunho os irmãos em Listra e Icônio.

[3] Quis Paulo que ele fosse em sua companhia e, por isso, circuncidou-o por causa dos judeus daqueles lugares; pois todos sabiam que seu pai era grego.

[4] Ao passar pelas cidades, entregavam aos irmãos, para que as observassem, as decisões tomadas pelos apóstolos e presbíteros de Jerusalém.

[5] Assim, as igrejas eram fortalecidas na fé e, dia a dia, aumentavam em número.

A visão em Trôade

[6] E, percorrendo a região frígio-gálata, tendo sido impedidos pelo Espírito Santo de pregar a palavra na Ásia,

[7] defrontando Mísia, tentavam ir para Bitínia, mas o Espírito de Jesus não o permitiu.

[8] E, tendo contornado Mísia, desceram a Trôade.

[9] À noite, sobreveio a Paulo uma visão na qual um varão macedônio estava em pé e

[41]Shiúil sé an tSír agus an tSiléis, ag treisiú leis na hEaglaisí.

Gníomhartha 16

Tiomóid

[1]Lean sé air go Deirbé agus as sin go Liostra. Bhí deisceabal ansiúd darbh ainm Tiomóid. Giúdach ab ea a mháthair agus í tar éis iompú chun an chreidimh agus Gréagach ba ea an t-athair.

[2]Bhí ardmheas ag bráithre Liostra agus Iocoiniam ar Thiomóid

[3]agus ba mhaith le Pól go rachadh sé lena chois. Thóg sé é dá bhrí sin agus rinne sé é a thimpeallghearradh ar mhaithe leis na Giúdaigh a mhair sna críocha sin, mar bhí a fhios acu go léir gur Gréagach a athair.

[4]Ag gabháil dóibh ó bhaile go baile, thug siad don phobal na reachta a bhí déanta ag na haspail agus ag na seanóirí in Iarúsailéim agus dúirt leo iad a choimeád.

[5]Sa tslí sin bhí na hEaglaisí á ndaingniú sa chreideamh agus ag dul i líonmhaire ó lá go lá.

Aisling Phóil: An Mhacadóin ag Glaoch Air

[6]Ghabh siad trí dhúiche Fhrigia agus Ghalaite ach ní ligfeadh an Spiorad Naomh dóibh an dea-scéal a fhógairt san Áise.

[7]Ar theacht dóibh go dtí teorainn Mhisia, bhí siad ag iarraidh dul isteach i mBitinia ach ní ligfeadh Spiorad Íosa ann iad.

[8]Ghluais siad leo thar Mhisia dá bhrí sin agus síos go Tróas.

[9]Bhí aisling ag Pól ann oíche amháin: bhí fear ón Macadóin ina sheasamh ann, ag

lhe rogava, dizendo: Passa à Macedônia e ajuda-nos.

[10] Assim que teve a visão, imediatamente, procuramos partir para aquele destino, concluindo que Deus nos havia chamado para lhes anunciar o evangelho.

Paulo em Filipos. Lídia convertida

[11] Tendo, pois, navegado de Trôade, seguimos em direitura a Samotrácia, no dia seguinte, a Neápolis

[12] e dali, a Filipos, cidade da Macedônia, primeira do distrito e colônia. Nesta cidade, permanecemos alguns dias.

[13] No sábado, saímos da cidade para junto do rio, onde nos pareceu haver um lugar de oração; e, assentando-nos, falamos às mulheres que para ali tinham concorrido.

[14] Certa mulher, chamada Lídia, da cidade de Tiatira, vendedora de púrpura, temente a Deus, nos escutava; o SENHOR lhe abriu o coração para atender às coisas que Paulo dizia.

[15] Depois de ser batizada, ela e toda a sua casa, nos rogou, dizendo: Se julgais que eu sou fiel ao SENHOR, entrai em minha casa e aí ficai. E nos constrangeu a isso.

A cura de uma jovem adivinhadora

[16] Aconteceu que, indo nós para o lugar de oração, nos saiu ao encontro uma jovem possessa de espírito adivinhador, a qual,

impí air agus ag rá: “Tar anall go dtí an Mhacadóin ag cabhrú linn.”

[10]Ní túisce a chonaic sé an aisling ná chuireamar faoi réir le dul go dtí an Mhacadóin mar gur thuigeamar as go raibh glaoite ag Dia orainn chun an dea-scéal a fhógairt ann dóibh.

Pól i bhFilipí

[11]Chuamar ar bord loinge i dTróas agus ceann ar aghaidh as sin go Samotráicé agus an lá ina dhiaidh sin go Neapoil

[12]agus as sin go Filipí. Príomhchathair den taobh sin den Mhacadóin is ea Filipí agus coilíneacht Rómhánach is ea í freisin. Thugamar roinnt laethanta sa chathair sin.

[13]Lá na sabóide chuamar amach lasmuigh den gheata, cois abhann, áit a mheasamar a mbeadh láthair urnaithe na nGiúdach agus shuíomar fúinn ag caint leis na mná a bhí bailithe le chéile ann.

[14]Bhí bean ag éisteacht linn, mangaire corcra ó chathair Tíaitíora darbh ainm Lidia. Bean chráifeach ba ea í agus d'oscail an Tiarna a croí go dtabharfadh sí cluas dá raibh á rá ag Pól.

[15]Baisteadh í féin agus a teaghlach agus ansin rinne sí tathant orainn, á rá: “Má mheasann sibh go bhfuilim dílis don Tiarna, tagaigí isteach agus bainigí fúibh i mo theachsa.” Agus chuir sí d'fhiacha orainn dul isteach.

An Cailín Feasa

[16]Tharla lá nuair a bhíomar ag dul go dtí láthair na hurnaí gur casadh orainn cailín óg a raibh spiorad feasa inti. Bhí mórán

adivinhando, dava grande lucro aos seus senhores.

[17] Seguindo a Paulo e a nós, clamava, dizendo: Estes homens são servos do Deus Altíssimo e vos anunciam o caminho da salvação.

[18] Isto se repetia por muitos dias. Então, Paulo, já indignado, voltando-se, disse ao espírito: Em nome de Jesus Cristo, eu te mando: retira-te dela. E ele, na mesma hora, saiu.

Paulo e Silas açoitados e presos

[19] Vendo os seus senhores que se lhes desfizera a esperança do lucro, agarrando em Paulo e Silas, os arrastaram para a praça, à presença das autoridades;

[20] e, levando-os aos pretores, disseram: Estes homens, sendo judeus, perturbam a nossa cidade,

[21] propagando costumes que não podemos receber, nem praticar, porque somos romanos.

[22] Levantou-se a multidão, unida contra eles, e os pretores, rasgando-lhes as vestes, mandaram açoitá-los com varas.

[23] E, depois de lhes darem muitos açoites, os lançaram no cárcere, ordenando ao carcereiro que os guardasse com toda a segurança.

airgid á thuilleamh aici dá máistrí as a cuid fáistineachta.

[17]Chrom sí ar Phól agus sinne a leanúint agus í ag screadach: “Seirbhísigh don Dia ró-ard is ea na fir seo,” a deireadh sí, “agus tá bealach bhur slánaithe á fhógairt acu daoibh.”

[18]Bhíodh sí á dhéanamh seo ar feadh mórán laethanta go dtí go raibh Pól chomh cráite sin aici gur iompaigh sé uirthi agus go ndúirt leis an spiorad: “Fógraím duit in ainm Íosa Críost imeacht amach aisti.” Agus d'imigh sé aisti an nóiméad sin.

Pól agus Síleas i bPríosún

[19]Nuair a chonaic a máistri, áfach, go raibh deireadh lena súil le brabach, rug siad ar Phól agus ar Shíleas agus tharraing isteach i gcearnóg an bhaile iad os comhair na n-uachtarán.

[20]Sheol siad i láthair na ngiúistísí iad, á rá: “Giúdaigh is ea na daoine seo agus tá ár gcathair á cur bunoscionn acu.

[21]Tá gnásanna á bhfógairt acu nach féidir dúinne, Rómhánaigh, glacadh leo ná déanamh dá réir.” Agus thug an slua fúthu chomh maith.

[22]Rinne na giúistísí na héadaí a sracadh díobh agus d'ordaigh iad a bhualadh le slata.

[23]Tar éis dóibh iad a léasadh ó thalamh chaith siad isteach i bpríosún iad agus d'ordaigh don choimeádaí iad a choinneáil go daingean.

[24] Este, recebendo tal ordem, levou-os para o cárcere interior e lhes prendeu os pés no tronco.

[24]Nuair a fuair an coimeádaí an t-ordú sin, chuir sé iad sa chillín ba fhaide isteach agus dhaingnigh a gcosa i gceap adhmaid.

[25] Por volta da meia-noite, Paulo e Silas oravam e cantavam louvores a Deus, e os demais companheiros de prisão escutavam.

[25]Timpeall meán oíche bhí Pól agus Síleas ag guí agus ag canadh iomann do Dhia agus na príosúnaigh eile ag éisteacht leo.

[26] De repente, sobreveio tamanho terremoto, que sacudiu os alicerces da prisão; abriram-se todas as portas, e soltaram-se as cadeias de todos.

[26]Go tobann tharla crith mór talún agus luascadh an príosún ó bhonn. Osclaíodh na doirse uile ar an bpointe agus thit na slabhraí de chách.

A conversão do carcereiro

[27] O carcereiro despertou do sono e, vendo abertas as portas do cárcere, puxando da espada, ia suicidar-se, supondo que os presos tivessem fugido.

[27]Dhúisigh an coimeádaí as a chodladh agus nuair a chonaic sé doirse an phríosúin ar leathadh, tharraing sé a chlaíomh le hintinn é féin a mharú agus é á cheapadh go raibh na príosúnaigh go léir teite.

[28] Mas Paulo bradou em alta voz: Não te faças nenhum mal, que todos aqui estamos!

[28]Scairt Pól air, áfach, in ard a ghutha: “Ná déan aon díobháil duit féin,” ar seisean, “táimid go léir anseo.”

[29] Então, o carcereiro, tendo pedido uma luz, entrou precipitadamente e, trêmulo, prostrou-se diante de Paulo e Silas.

[29]D'iarr an coimeádaí solas a thabhairt chuige, ansin rith sé isteach agus chaith é féin ag glúine Phóil agus Shíleas agus é ar crith le heagla.

[30] Depois, trazendo-os para fora, disse: Senhores, que devo fazer para que seja salvo?

[30]Ansin sheol sé amach iad agus d'fhiafraigh díobh: “Cad atá le déanamh agam, a mháistrí, go slánófaí mé?”

[31] Responderam-lhe: Crê no SENHOR Jesus e serás salvo, tu e tua casa.

[31]“Creid sa Tiarna Íosa,” ar siadsan, “agus beidh tú féin agus do theaghlach slán.”

[32] E lhe pregaram a palavra de Deus e a todos os de sua casa.

[32]Agus d'fhógair siad briathar an Tiarna dó féin agus dá raibh sa teach leis.

[33] Naquela mesma hora da noite, cuidando deles, lavou-lhes os vergões dos açoites. A seguir, foi ele batizado, e todos os seus.

[33]Dá fhad amach san oíche a bhí sé, thug sé leis iad agus nigh a gcréachtaí; agus baisteadh é féin agus a líon tí go léir ar an bpointe.

[34] Então, levando-os para a sua própria casa, lhes pôs a mesa; e, com todos os seus, manifestava grande alegria, por terem crido em Deus.

Paulo e Silas livres da prisão

[35] Quando amanheceu, os pretores enviaram oficiais de justiça, com a seguinte ordem: Põe aqueles homens em liberdade.

[36] Então, o carcereiro comunicou a Paulo estas palavras: Os pretores ordenaram que fôsseis postos em liberdade. Agora, pois, saí e ide em paz.

[37] Paulo, porém, lhes replicou: Sem ter havido processo formal contra nós, nos açoitaram publicamente e nos recolheram ao cárcere, sendo nós cidadãos romanos; querem agora, às ocultas, lançar-nos fora? Não será assim; pelo contrário, venham eles e, pessoalmente, nos ponham em liberdade.

[38] Os oficiais de justiça comunicaram isso aos pretores; e estes ficaram possuídos de temor, quando souberam que se tratava de cidadãos romanos.

[39] Então, foram ter com eles e lhes pediram desculpas; e, relaxando-lhes a prisão, rogaram que se retirassem da cidade.

[40] Tendo-se retirado do cárcere, dirigiram-se para a casa de Lídia e, vendo os irmãos, os confortaram. Então, partiram.

Atos 17

Paulo e Silas em Tessalônica

[34]Ansin thug sé isteach ina theach iad agus chuir cóir bia os a gcomhair. Rinne sé féin agus a theaghlach gairdeas go raibh an creideamh faighte aige i nDia.

[35]Nuair a bhí sé ina lá chuir na giúistísí na póilíní chun coimeádaí an phríosúin, á rá: “Scaoil saor na daoine sin.”

[36]Thug an coimeádaí an scéal seo go Pól: “Tá na giúistísí tar éis ordú a thabhairt go scaoilfí saor sibh. Amach libh mar sin agus go n-éirí an bóthar libh.”

[37]Dúirt Pól leis na póilíní, áfach: “Rinne siad sinn a léasadh go poiblí gan aon triail a chur orainn agus sinn inár saoránaigh Rómhánacha. Ansin chaith siad isteach i bpríosún sinn. An dár gcur amach faoi cheilt atá siad anois? Ní dhéanfaidh siad go deimhin, ach tagaidís féin agus déanaidís sinn a chomóradh amach.”

[38]Thug na póilíní an scéal seo chun na ngiúistísí. Tháinig scanradh orthu nuair a chuala siad gur shaoránaigh Rómhánacha na haspail.

[39]Chuaigh siad chucu mar sin agus ghabh a leithscéal leo. Sheol siad amach ansin iad agus d'iarr orthu an chathair a fhágáil.

[40]Ar fhágáil an phríosúin dóibh chuaigh siad go teach Lidia, áit a bhfaca siad na bráithre. Thug siad spreagadh dóibh agus d'imigh siad leo.

Gníomhartha 17

Pól i dTeasaloinicé

[1] Tendo passado por Anfípolis e Apolônia, chegaram a Tessalônica, onde havia uma sinagoga de judeus.
[2] Paulo, segundo o seu costume, foi procurá-los e, por três sábados, arrazoou com eles acerca das Escrituras,
[3] expondo e demonstrando ter sido necessário que o Cristo padecesse e ressurgisse dentre os mortos; e este, dizia ele, é o Cristo, Jesus, que eu vos anuncio.
[4] Alguns deles foram persuadidos e unidos a Paulo e Silas, bem como numerosa multidão de gregos piedosos e muitas distintas mulheres.
[5] Os judeus, porém, movidos de inveja, trazendo consigo alguns homens maus dentre a malandragem, ajuntando a turba, alvoroçaram a cidade e, assaltando a casa de Jasom, procuravam trazê-los para o meio do povo.
[6] Porém, não os encontrando, arrastaram Jasom e alguns irmãos perante as autoridades, clamando: Estes que têm transtornado o mundo chegaram também aqui,
[7] os quais Jasom hospedou. Todos estes procedem contra os decretos de César, afirmando ser Jesus outro rei.
[8] Tanto a multidão como as autoridades ficaram agitadas ao ouvirem estas palavras;

[1]Thaistil siad Aimfipioil agus Apollóinia agus tháinig go Teasaloinicé, áit a raibh sionagóg leis na Giúdaigh.
[2]Mar ba ghnách le Pól bhuail sé isteach chucu agus thug trí shabóid as a chéile ag plé leo,
[3]ag léiriú agus ag cruthú dóibh as fianaise na scrioptúr nárbh fholáir go bhfulaingeodh an Críost agus go n-éireodh sé ó mhairbh. “Agus,” ar seisean, “Íosa seo atáimse a fhógairt daoibh, is é sin an Meisias.”
[4]Chuaigh an scéal ina luí ar chuid acu agus thaobhaigh siad le Pól agus le Síleas, agus slua mór de na págánaigh dhiaganta mar an gcéanna agus líon nár bheag de na mná measúla.
17Thóg siad ar bord é agus bhain feidhm as áiseanna chun an long a fháscadh, agus ar eagla go rithfidís isteach sa Sirtis, lig siad anuas na seolta agus d'imigh le sruth ar an gcuma sin.

18 Açoitados severamente pela tormenta, no dia seguinte, já aliviavam o navio.

18An lá dár gcionn bhí an stoirm dár ngreadadh go dona agus thosaigh siad ag caitheamh an lasta thar bord

19 E, ao terceiro dia, nós mesmos, com as próprias mãos, lançamos ao mar a armação do navio.

19agus an lá ina dhiaidh sin theilg siad trealamh na loinge amach lena lámha féin.

20 E, não aparecendo, havia já alguns dias, nem sol nem estrelas, caindo sobre nós grande tempestade, dissipou-se, afinal, toda a esperança de salvamento.

20Ar feadh mórán laethanta ní raibh grian ná réalta le feiceáil ach an t-anfa dár ngreadadh go dian agus gan súil ar bith againn go dtiocfaimis slán.

21 Havendo todos estado muito tempo sem comer, Paulo, pondo-se em pé no meio deles, disse: Senhores, na verdade, era

21Faoin am seo bhí siad tamall fada gan bia a chaitheamh agus d'éirigh Pól ina lár agus dúirt: “Dá mb'áil libh mo chomhairlese a ghlacadh, a fheara, agus

preciso terem-me atendido e não partir de Creta, para evitar este dano e perda.

22 Mas, já agora, vos aconselho bom ânimo, porque nenhuma vida se perderá de entre vós, mas somente o navio.

23 Porque, esta mesma noite, um anjo de Deus, de quem eu sou e a quem sirvo, esteve comigo,

24 dizendo: Paulo, não temas! É preciso que compareças perante César, e eis que Deus, por sua graça, te deu todos quantos navegam contigo.

25 Portanto, senhores, tende bom ânimo! Pois eu confio em Deus que sucederá do modo por que me foi dito.

26 Porém é necessário que vamos dar a uma ilha.

O naufrágio

27 Quando chegou a décima quarta noite, sendo nós batidos de um lado para outro no mar Adriático, por volta da meia-noite, pressentiram os marinheiros que se aproximavam de alguma terra.

28 E, lançando o prumo, acharam vinte braças; passando um pouco mais adiante, tornando a lançar o prumo, acharam quinze braças.

29 E, receosos de que fôssemos atirados contra lugares rochosos, lançaram da popa quatro âncoras e oravam para que rompesse o dia.

30 Procurando os marinheiros fugir do navio, e, tendo arriado o bote no mar, a

gan corraí as an gCréit, ní tharlódh an dochar ná an díobháil seo daoibh.

22Ar a shon sin impím anois oraibh misneach a bheith agaibh mar ní chaillfear duine ar bith agaibh ach an long amháin.

23Mar anocht féin sheas le mo thaobh aingeal ón Dia ar leis mé agus a bhfuilim ag seirbhís dó,

24agus dúirt sé liom: 'Ná bíodh eagla ort, a Phóil, mar ní foláir duitse seasamh os comhair Chéasair, agus a bhfuil de dhaoine ag taisteal leat, féach, tá siad bronnta suas ort ag Dia.'

25Bíodh misneach agaibh dá bhrí sin, a fheara, mar go gcreidimse i nDia go dtitfidh gach ní amach mar a dúradh liom é,

26agus go bhfuil i ndán dúinn go gcaithfear i dtír sinn in oileán éigin."

27Nuair a tháinig an ceathrú hoíche dhéag bhíomar fós ag imeacht le gaoth sa Mhuir Aidriad, ach faoi lár na hoíche bhraith na mairnéalaigh go raibh talamh ag druidim leo.

28Nuair a thomhais siad an doimhneas fuair siad go raibh sé fiche feá; agus nuair a thomhais siad arís tar éis tamaill bhig eile ní raibh sé ach a cúig déag.

29Agus ar eagla go gcaithfí ar na carraigeacha sinn chuir siad ceithre ancaire amach as deireadh na loinge agus iad ag guí go ngealfadh an lá.

30Bhí na mairnéalaigh ag faire ar theitheadh as an long agus scaoil siad an bád isteach san fharraige mar dhea go

pretexto de que estavam para largar âncoras da proa,

31 disse Paulo ao centurião e aos soldados: Se estes não permanecerem a bordo, vós não podereis salvar-vos.

32 Então, os soldados cortaram os cabos do bote e o deixaram afastar-se.

33 Enquanto amanhecia, Paulo rogava a todos que se alimentassem, dizendo: Hoje, é o décimo quarto dia em que, esperando, estais sem comer, nada tendo provado.

34 Eu vos rogo que comais alguma coisa; porque disto depende a vossa segurança; pois nenhum de vós perderá nem mesmo um fio de cabelo.

35 Tendo dito isto, tomando um pão, deu graças a Deus na presença de todos e, depois de o partir, começou a comer.

36 Todos cobraram ânimo e se puseram também a comer.

37 Estávamos no navio duzentas e setenta e seis pessoas ao todo.

38 Refeitos com a comida, aliviaram o navio, lançando o trigo ao mar.

39 Quando amanheceu, não reconheceram a terra, mas avistaram uma enseada, onde havia praia; então, consultaram entre si se não podiam encalhar ali o navio.

40 Levantando as âncoras, deixaram-no ir ao mar, largando também as amarras do

raibh siad chun ancairí a ligean amach as tosach na loinge.

31Labhair Pól leis an taoiseach céad agus leis na saighdiúirí: “Mura bhfanann siadsan ar bord,” ar seisean, “ní féidir daoibhse teacht slán.”

32Ansin ghearr na saighdiúirí téada an bháid agus lig di titim isteach san fharraige.

33Le breacadh an lae d'iarr Pól orthu go léir bia a chaitheamh. “Tá sibh ar bior le ceithre lá dhéag anois ar troscadh gan greim bia a chaitheamh,” ar seisean.

34“Molaim daoibh dá bhrí sin bhur gcuid a chaitheamh, mar tá bhur slánú ag brath air. Mar ní chaillfear ribe gruaige as ceann aon duine agaibh.”

35Tar éis na cainte sin thóg sé bollóg aráin, ghabh sé buíochas le Dia i bhfianaise chách, bhris an t-arán agus chrom ar é a ithe.

36Ghlac siad go léir misneach ansin agus chaith siad béile.

37Bhí dhá chéad seachtó a sé againn ar fad ar bord na loinge.

38Nuair a bhí a ndóthain ite acu, thosaigh siad ag caitheamh an arbhair isteach san fharraige d'fhonn an long a éadromú.

Longbhriseadh

39Nuair a gheal an lá níor aithin siad an tír ach thug siad faoi deara cuan a raibh trá ann agus chinn siad ar an long a thiomáint i dtír ann dá mb'fhéidir.

40Más ea, scaoil siad leis na hancairí agus d'fhág iad san fharraige; lena linn sin bhog siad ceangail na stiúrach, chroch an seol

leme; e, alçando a vela de proa ao vento, dirigiram-se para a praia.

[41] Dando, porém, num lugar onde duas correntes se encontravam, encalharam ali o navio; a proa encravou-se e ficou imóvel, mas a popa se abria pela violência do mar.

[42] O parecer dos soldados era que matassem os presos, para que nenhum deles, nadando, fugisse;

[43] mas o centurião, querendo salvar a Paulo, impediu-os de o fazer; e ordenou que os que soubessem nadar fossem os primeiros a lançar-se ao mar e alcançar a terra.

[44] Quanto aos demais, que se salvassem, uns, em tábuas, e outros, em destroços do navio. E foi assim que todos se salvaram em terra.

mór chun na gaoithe agus thug aghaidh ar an trá.

[41]Ach tharla siad ar oitir ghainimh agus chuaigh an long i dtalamh ann. Chuaigh a tosach i bhfostó go docht agus d'fhan ann gan corraí aisti fad a bhí a deireadh á réabadh ina smidiríní le fórsa na dtonnta.

[42]Chinn na saighdiúirí ar na príosúnaigh a mharú le heagla go snámhfadh aon duine acu i dtír agus éalú leis.

[43]Ach ní cheadódh an taoiseach céad dóibh an beart seo a chur i gcrích mar gur theastaigh uaidh Pól a thabhairt slán. D'ordaigh sé don mhuintir a raibh snámh acu léim isteach san fharraige ar dtús agus dul i dtír

[44]agus an chuid eile a leanúint ar chláracha adhmaid agus ar phíosaí de bhruscar na loinge. Tharla ar an gcuma sin go ndeachaigh gach duine i dtír go slán sábháilte.

Atos 28

A ilha de Malta

[1] Uma vez em terra, verificamos que a ilha se chamava Malta.

[2] Os bárbaros trataram-nos com singular humanidade, porque, acendendo uma fogueira, acolheram-nos a todos por causa da chuva que caía e por causa do frio.

[3] Tendo Paulo ajuntado e atirado à fogueira um feixe de gravetos, uma víbora, fugindo do calor, prendeu-se-lhe à mão.

[4] Quando os bárbaros viram a víbora pendente da mão dele, disseram uns aos

Gníomhartha 28

Pól i Málta

[1]Nuair a bhíomar slán i dtír fuaireamar amach gurbh é Málta ainm an oileáin.

[2]Bhí na hoileánaigh thar a bheith cineálta linn; d'fháiltigh siad romhainn uile agus las siad tine chnámh dúinn mar bhí sé ag bagairt báistí agus é fuar.

[3]Bhailigh Pól gabháil brosna agus nuair a chaith sé sa tine é léim nathair nimhe amach leis an teas agus ghreamaigh dá láimh.

[4]Nuair a chonaic na hoileánaigh an phiast ag sileadh óna láimh dúirt siad lena chéile:

outros: Certamente, este homem é assassino, porque, salvo do mar, a Justiça não o deixa viver.

5 Porém ele, sacudindo o réptil no fogo, não sofreu mal nenhum;

6 mas eles esperavam que ele viesse a inchar ou a cair morto de repente. Mas, depois de muito esperar, vendo que nenhum mal lhe sucedia, mudando de parecer, diziam ser ele um deus.

Públio hospeda a Paulo

7 Perto daquele lugar, havia um sítio pertencente ao homem principal da ilha, chamado Públio, o qual nos recebeu e hospedou benignamente por três dias.

8 Aconteceu achar-se enfermo de disenteria, ardendo em febre, o pai de Públio. Paulo foi visitá-lo, e, orando, impôs-lhe as mãos, e o curou.

9 À vista deste acontecimento, os demais enfermos da ilha vieram e foram curados,

10 os quais nos distinguiram com muitas honrarias; e, tendo nós de prosseguir viagem, nos puseram a bordo tudo o que era necessário.

A continuação da viagem

11 Ao cabo de três meses, embarcamos num navio alexandrino, que invernara na ilha e tinha por emblema Dióscuros.

12 Tocando em Siracusa, ficamos ali três dias,

"Is dúnmharfóir an fear sin, ní foláir; bíodh gur tháinig sé slán ón bhfarraige, níl an chinniúint ag leigean a anama leis."

5Chroith Pól an phiast uaidh isteach sa tine gan díth ná dochar air.

6Bhí coinne acu siúd go n-atfadh sé nó go dtitfeadh sé marbh láithreach, ach tar éis dóibh bheith ag feitheamh agus ag faire ar feadh i bhfad agus gan aon ní as an tslí ag imeacht air, tháinig siad ar mhalairt aigne faoi agus dúirt gur dia a bhí ann.

7I gcomharsanacht na háite sin bhí fearann ag ceann urra an oileáin, fear darbh ainm Puiblias. D'fháiltigh seisean romhainn agus chuir cóir orainn go fial ar feadh trí lá.

8Tharla go raibh athair Phuiblias ina luí le fiabhras agus an dinnireacht ag cur air. Chuaigh Pól isteach á fheiceáil agus tar éis dó guí a dhéanamh ar a shon, leag sé a lámha air agus leigheas é.

9Ní túisce a tharla sin ná tháinig chuige gach uile dhuine eile ar an oileán a raibh éagruas orthu agus leigheasadh iad.

10Is iomaí comhartha ómóis a thug siad dúinn agus nuair a bhíomar ag imeacht chuir siad ar bord chugainn gach a raibh de dhíth orainn.

Ceann Scríbe

11Tar éis trí mhí ghluaiseamar chun siúil i long Alastraíneach a raibh an geimhreadh caite san oileán aici agus í faoi mheirge na Díse.

12Chuamar i dtír i Suracús agus thugamar trí lá ann.

[13] donde, bordejando, chegamos a Régio. No dia seguinte, tendo soprado vento sul, em dois dias, chegamos a Putéoli,

[14] onde achamos alguns irmãos que nos rogaram ficássemos com eles sete dias; e foi assim que nos dirigimos a Roma.

[15] Tendo ali os irmãos ouvido notícias nossas, vieram ao nosso encontro até à Praça de Ápio e às Três Vendas. Vendo-os Paulo e dando, por isso, graças a Deus, sentiu-se mais animado.

Paulo em Roma

[16] Uma vez em Roma, foi permitido a Paulo morar por sua conta, tendo em sua companhia o soldado que o guardava.

[17] Três dias depois, ele convocou os principais dos judeus e, quando se reuniram, lhes disse: Varões irmãos, nada havendo feito contra o povo ou contra os costumes paternos, contudo, vim preso desde Jerusalém, entregue nas mãos dos romanos;

[18] os quais, havendo-me interrogado, quiseram soltar-me sob a preliminar de não haver em mim nenhum crime passível de morte.

[19] Diante da oposição dos judeus, senti-me compelido a apelar para César, não tendo eu, porém, nada de que acusar minha nação.

[20] Foi por isto que vos chamei para vos ver e falar; porque é pela esperança de Israel que estou preso com esta cadeia.

[13]Rinneamar timpeall as sin go Réigió. An lá dár gcionn d'éirigh an ghaoth aneas agus i gcionn dhá lá bhaineamar amach Poiteolí.

[14]Fuaireamar roinnt bráithre romhainn ansiúd agus d'iarr siad orainn seachtain a thabhairt ina bhfochair. Agus thángamar chun na Róimhe mar sin.

[15]Nuair a chuala na bráithre ansiúd fúinn tháinig siad amach inár n-airicis go dtí Fóram Aipias agus na Trí Tábhairní. Agus nuair a chonaic Pól iad, ghabh sé buíochas le Dia agus mhúscail a mhisneach.

[16]Ar theacht chun na Róimhe dúinn fuair Pól cead fanacht ina lóistín féin le saighdiúir á choimeád.

[17]Trí lá ina dhiaidh sin ghlaoigh sé chuige cinn urra na nGiúdach agus nuair a bhí siad cruinnithe labhair sé leo: “A bhráithre,” ar seisean, “cé nach ndearna mé aon ní in aghaidh ár gcine ná in aghaidh béasa ár sinsear, cuireadh i ngéibheann mé in Iarúsailéim agus tugadh suas do na Rómhánaigh mé.

[18]Scrúdaigh siadsan mé agus nuair nach raibh aon chúis orm a thuillfeadh an bás, bheartaigh siad mé a scaoileadh saor.

[19]Ach chuir na Giúdaigh ina gcoinne agus b'éigean domsa Céasar a ghairm, agus ní hé go raibh aon ní agam le cur i leith mo chine féin.

[20]Is é fáth gur iarr mé sibhse a fheiceáil agus labhairt libh de bhrí gur mar gheall

ar dhóchas Iosrael atá an slabhra seo ormsa.”

[21] Então, eles lhe disseram: Nós não recebemos da Judéia nenhuma carta que te dissesse respeito; também não veio qualquer dos irmãos que nos anunciasse ou dissesse de ti mal algum.

[21]Dúirt siadsan leis: “Ní bhfuaireamarna litir ar bith i do thaobh ó Iúdáia, ná níor thug aon neach dár mbráithre a tháinig an treo drochscéal ná drochthuairisc chugainn mar gheall ort.

[22] Contudo, gostaríamos de ouvir o que pensas; porque, na verdade, é corrente a respeito desta seita que, por toda parte, é ela impugnada.

[22]Ba mhaith linn, áfach, do thuairimí féin a chloisteáil mar níl d'eolas againn ar an aicme seo lena mbaineann tú ach go bhfuiltear ag cur ina coinne go forleathan.”

Paulo prega em Roma

[23] Havendo-lhe eles marcado um dia, vieram em grande número ao encontro de Paulo na sua própria residência. Então, desde a manhã até à tarde, lhes fez uma exposição em testemunho do reino de Deus, procurando persuadi-los a respeito de Jesus, tanto pela lei de Moisés como pelos profetas.

Ag Fógairt an Dea-Scéil sa Róimh

[23]Shocraigh siad leis ar lá agus tháinig slua mór acu chun an lóistín chuige. Lean sé ó mhaidin go hoíche ag tabhairt fios an scéil dóibh: thug sé léiriú mion ar ríocht Dé, ag áiteamh scéal Íosa orthu as dlí Mhaois agus as na fáithe.

[24] Houve alguns que ficaram persuadidos pelo que ele dizia; outros, porém, continuaram incrédulos.

[24]Chuaigh a chuid cainte ina luí ar chuid acu ach bhí cuid eile acu nach ngéillfeadh dó.

[25] E, havendo discordância entre eles, despediram-se, dizendo Paulo estas palavras: Bem falou o Espírito Santo a vossos pais, por intermédio do profeta Isaías, quando disse:

[25]Bhí easaontas eatarthu agus iad ag imeacht agus is é a dúirt Pól leo mar fhocal scoir: “Is maith mar a labhair an Spiorad le bhur n-aithreacha trí bhéal Íseáia fáidh nuair a dúirt sé:

[26] Vai a este povo e dize-lhe: De ouvido, ouvireis e não entendereis; vendo, vereis e não percebereis.

[26]‘Téigh go dtí an pobal seo agus abair seo leo: Éistfidh sibh go deimhin ach ní thuigfidh sibh, féachfaidh sibh go deimhin ach ní fheicfidh sibh,

[27] Porquanto o coração deste povo se tornou endurecido; com os ouvidos ouviram tardiamente e fecharam os olhos,

[27]Mar tá croí an phobail seo éirithe dúr, agus lena gcluasa is mall a éisteann siad, agus dhún siad a súile, ar eagla go

para que jamais vejam com os olhos, nem ouçam com os ouvidos, para que não entendam com o coração, e se convertam, e por mim sejam curados.

[28] Tomai, pois, conhecimento de que esta salvação de Deus foi enviada aos gentios. E eles a ouvirão.

[29] [Ditas estas palavras, partiram os judeus, tendo entre si grande contenda.]

Paulo prisioneiro durante dois anos

[30] Por dois anos, permaneceu Paulo na sua própria casa, que alugara, onde recebia todos que o procuravam,

[31] pregando o reino de Deus, e, com toda a intrepidez, sem impedimento algum, ensinava as coisas referentes ao SENHOR Jesus Cristo.

bhfeicfidís lena súile agus go gcloisfidís lena gcluasa agus go dtuigfidís lena gcroí agus go n-iompóidís chugamsa agus go leigheasfainn iad.'

[28]"Bíodh a fhios agaibh dá bhrí sin go bhfuil an slánú seo Dé á sheoladh chuig na gintlithe. Éistfidh siadsan leis."

[29](Nuair a bhí an méid sin ráite aige, d'imigh na Giúdaigh uaidh amach, agus aighneas mór acu eatarthu féin.)

[30]D'fhan sé ar feadh lán dhá bhliain sa lóistín a bhí ar cíos aige, agus gach ar tháinig ag triall air chuir sé fáilte rompu.

[31]Lean sé air ag fógairt ríocht Dé agus scéal an Tiarna Íosa Críost aige á theagasc go lánoscailte agus gan bac ar bith air.

Epístola de Paulo aos Romanos	Rómhánaigh

Romanos 1

Prefácio e saudação

[1] Paulo, servo de Jesus Cristo, chamado para ser apóstolo, separado para o evangelho de Deus,

[2] o qual foi por Deus, outrora, prometido por intermédio dos seus profetas nas Sagradas Escrituras,

[3] com respeito a seu Filho, o qual, segundo a carne, veio da descendência de Davi

[4] e foi designado Filho de Deus com poder, segundo o espírito de santidade pela ressurreição dos mortos, a saber, Jesus Cristo, nosso SENHOR,

[5] por intermédio de quem viemos a receber graça e apostolado por amor do seu nome, para a obediência por fé, entre todos os gentios,

[6] de cujo número sois também vós, chamados para serdes de Jesus Cristo.

[7] A todos os amados de Deus, que estais em Roma, chamados para serdes santos, graça a vós outros e paz, da parte de Deus, nosso Pai, e do SENHOR Jesus Cristo.

O amor de Paulo pelos cristãos de Roma. Seu desejo de vê-los

[8] Primeiramente, dou graças a meu Deus, mediante Jesus Cristo, no tocante a todos vós, porque, em todo o mundo, é proclamada a vossa fé.

[9] Porque Deus, a quem sirvo em meu espírito, no evangelho de seu Filho, é

Rómhánaigh 1

Beannú

[1]Mise Pól, searbhónta Íosa Críost, a bhfuil glaoite air chun bheith ina aspal agus atá dealaithe amach chun dea-scéal Dé.

[2]An dea-scéal seo, a gheall Dia roimh ré trína chuid fáithe sna scríbhinní naofa,

[3]is faoina Mhac féin é, ár dTiarna Íosa Críost. Rugadh eisean sa mhéid gur duine é de shliocht Dháiví:

[4]ach sa mhéid gur spiorad na naofachta é tá sé oirnithe i gcumhacht mar Mhac do Dhia ó aiséirí dó ó mhairbh.

[5]Is trídsean a fuair mise grásta an aspail chun géillsine an chreidimh a leathadh ar son a ainm i measc na náisiún uile.

[6]Orthusan chomh maith tá sibhse a bhfuil glaoite oraibh chun bheith ina sheilbh ag Íosa Críost.

[7]Chugaibhse go léir sa Róimh, más ea, a bhfuil grá ag Dia daoibh agus a bhfuil glaoite oraibh chun bheith in bhur bpobal naofa aige, guím grásta agus síocháin ó Dhia ár nAthair agus ón Tiarna Íosa Críost.

Pól agus na Rómhánaigh

[8]Ar dtús gabhaim buíochas le mo Dhia trí Íosa Críost mar gheall oraibh uile de bhrí go bhfuil iomrá ar bhur gcreideamh ar fud an domhain go léir.

[9]Mar, an Dia a mbím ag seirbhís dó ó m'anam i ndea-scéal a Mhic, tá sé ina

minha testemunha de como incessantemente faço menção de vós

10 em todas as minhas orações, suplicando que, nalgum tempo, pela vontade de Deus, se me ofereça boa ocasião de visitar-vos.

11 Porque muito desejo ver-vos, a fim de repartir convosco algum dom espiritual, para que sejais confirmados,

12 isto é, para que, em vossa companhia, reciprocamente nos confortemos por intermédio da fé mútua, vossa e minha.

13 Porque não quero, irmãos, que ignoreis que, muitas vezes, me propus ir ter convosco (no que tenho sido, até agora, impedido), para conseguir igualmente entre vós algum fruto, como também entre os outros gentios.

14 Pois sou devedor tanto a gregos como a bárbaros, tanto a sábios como a ignorantes;

15 por isso, quanto está em mim, estou pronto a anunciar o evangelho também a vós outros, em Roma.

O assunto da epístola: a justiça pela fé em Jesus Cristo

16 Pois não me envergonho do evangelho, porque é o poder de Deus para a salvação de todo aquele que crê, primeiro do judeu e também do grego;

17 visto que a justiça de Deus se revela no evangelho, de fé em fé, como está escrito: O justo viverá por fé.

A idolatria e depravação dos homens

fhinné agam air go mbím ag cuimhneamh oraibh gan staonadh i m'urnaithe i gcónaí,

10agus ag achainí air go n-éireoidh liom ar dhóigh éigin teacht chugaibh ar cuairt faoi dheireadh thiar le deonú Dé.

11Mar is fada liom go bhfeicfidh mé sibh chun tíolacadh éigin spioradálta a roinnt libh d'fhonn sibh a neartú,

12go bhfaighinn is é sin, solas in bhur measc ón gcreideamh atá agaibhse agus agamsa araon le chéile.

13Ní áil liom, a bhráithre, gan a fhios a bheith agaibh gur minic a chuir mé romham dul ar cuairt chugaibh le súil go mbainfinn fómhar in bhur meascsa chomh maith, mar a bhain mé i measc na ngintlithe eile, ach gur cuireadh bac orm go dtí seo.

14Tá an dualgas céanna orm i leith Gréagach agus i leith barbar, i leith saoithe agus i leith daoithe.

15Sin é faoi deara fonn a bheith orm an dea-scéal a fhógairt daoibhse freisin atá sa Róimh.

Slánú trí Chreideamh

16Óir ní náir liom an dea-scéal, mar is é cumhacht Dé é chun slánú a thabhairt do chách a chreideann ann, don Ghiúdach ar dtús agus don Ghréagach chomh maith,

17mar is ann atá fíréantacht Dé á foilsiú ó chreideamh go creideamh, de réir mar atá scríofa: “Ar chreideamh is ea a mhairfidh an fíréan.”

Peacaí na bPágánach

[18] A ira de Deus se revela do céu contra toda impiedade e perversão dos homens que detêm a verdade pela injustiça;

[19] porquanto o que de Deus se pode conhecer é manifesto entre eles, porque Deus lhes manifestou.

[20] Porque os atributos invisíveis de Deus, assim o seu eterno poder, como também a sua própria divindade, claramente se reconhecem, desde o princípio do mundo, sendo percebidos por meio das coisas que foram criadas. Tais homens são, por isso, indesculpáveis;

[21] porquanto, tendo conhecimento de Deus, não o glorificaram como Deus, nem lhe deram graças; antes, se tornaram nulos em seus próprios raciocínios, obscurecendo-se-lhes o coração insensato.

[22] Inculcando-se por sábios, tornaram-se loucos

[23] e mudaram a glória do Deus incorruptível em semelhança da imagem de homem corruptível, bem como de aves, quadrúpedes e répteis.

[24] Por isso, Deus entregou tais homens à imundícia, pelas concupiscências de seu próprio coração, para desonrarem o seu corpo entre si;

[25] pois eles mudaram a verdade de Deus em mentira, adorando e servindo a criatura em lugar do Criador, o qual é bendito eternamente. Amém!

[26] Por causa disso, os entregou Deus a paixões infames; porque até as mulheres

[18]Tá fearg Dé á foilsiú ó neamh in aghaidh éagráifeacht agus urchóid uile na ndaoine úd atá ag coinneáil na fírinne i ngéibheann lena gcuid urchóide.

[19]Óir tá a bhfuil le foghlaim faoi Dhia soiléir dóibh de bhrí gur nocht Dia féin dóibh é.

[20]Mar ó chruthú an domhain i leith tá a thréithe do-fheicthe - a chumhacht shíoraí agus a dhiagacht - le haithint agus le feiceáil sna nithe atá déanta. Más ea, níl aon leithscéal acu,

[21]mar, cé go raibh eolas ar Dhia acu, níor thug siad dó an ghlóir ná an buíochas ba dhual dó mar Dhia. Is amhlaidh a chuaigh siad chun mearbhaill ina gcuid smaointe agus a dalladh an aigne dhúr iontu.

[22]Agus iad ag maíomh gur lucht gaoise iad féin, d'imigh siad le baois;

[23]mhalartaigh siad glóir an Dé neamhbhásmhair ar íomhánna a raibh cló an duine bhásmhair orthu nó cló éanlaithe nó ainmhithe nó péisteanna.

[24]Sin é an fáth ar thug Dia suas iad don mhígheanmnaíocht de réir ainmhianta a gcroí, sa tslí gur thug siad tarcaisne dá gcoirp eatarthu féin.

[25]Mhalartaigh siad fírinne Dé ar an mbréag agus thug ómós agus seirbhís don chréatúr mar rogha ar an gcruthaitheoir, moladh go deo leis. Amen.

[26]Sin é an fáth ar thug Dia suas do phaisin mhínáireacha iad; mhalartaigh a gcuid

mudaram o modo natural de suas relações íntimas por outro, contrário à natureza;

27 semelhantemente, os homens também, deixando o contato natural da mulher, se inflamaram mutuamente em sua sensualidade, cometendo torpeza, homens com homens, e recebendo, em si mesmos, a merecida punição do seu erro.

Entregues os gentios a reprováveis sentimentos

28 E, por haverem desprezado o conhecimento de Deus, o próprio Deus os entregou a uma disposição mental reprovável, para praticarem coisas inconvenientes,

29 cheios de toda injustiça, malícia, avareza e maldade; possuídos de inveja, homicídio, contenda, dolo e malignidade; sendo difamadores,

30 caluniadores, aborrecidos de Deus, insolentes, soberbos, presunçosos, inventores de males, desobedientes aos pais,

31 insensatos, pérfidos, sem afeição natural e sem misericórdia.

32 Ora, conhecendo eles a sentença de Deus, de que são passíveis de morte os que tais coisas praticam, não somente as fazem, mas também aprovam os que assim procedem.

Romanos 2

Os gentios e os judeus igualmente culpados. O juízo de Deus

1 Portanto, és indesculpável, ó homem, quando julgas, quem quer que sejas;

ban an taithí nádúrtha ar thaithí mhínádúrtha;

27agus mar an gcéanna do na fir: thréig siad taithí nádúrtha ban agus las siad le dúil ina chéile, sa tslí go mbíodh fir ag cleachtadh míghnímh le fir agus ag fáil dóibh féin an chúitímh a bhí tuillte ag a gcuid seachráin.

28Toisc nárbh fhiú leo Dia a choinneáil ar a n-aithne, d'fhág Dia iad gan stuaim, sa tslí go ndéanfaidís nithe nach cuí;

29bíonn siad líonta den uile shórt urchóide agus mallaitheachta agus sainte agus mailíse; agus bíonn siad lán den fhormad, den dúnmharú, den achrann, den chealg agus den mhioscais; bíonn siad cúlchainteach,

30béadánach agus bíonn fuath acu do Dhia; bíonn siad uaibhreach, sotalach, maíteach, drochbheartach agus easumhal do thuismitheoirí;

31bíonn siad gan tuiscint gan tairise, gan taise gan trua.

32Agus cé gur maith is eol dóibh reacht Dé a deir go bhfuil an bás tuillte ag daoine a dhéanfadh a leithéidí sin, ní hé amháin go ndéanann siad féin iad ach fós molann siad le lucht a ndéanta.

Rómhánaigh 2

Ceartbhreithiúnas Dé ar Chách

1Ar an ábhar sin níl aon leithscéal agatsa, a dhuine, is cuma cé tú, má thugann tú

porque, no que julgas a outro, a ti mesmo te condenas; pois praticas as próprias coisas que condenas.

breith ar dhaoine eile, mar ag tabhairt breithe ar an bhfear thall duit, is tú féin atá do do dhaoradh agat, de bhrí go ndéanann tú féin, an breitheamh, na nithe céanna.

[2] Bem sabemos que o juízo de Deus é segundo a verdade contra os que praticam tais coisas.

[2]An breithiúnas, áfach, a thugann Dia ar dhaoine a dhéanann a leithéidí sin, tá a fhios againn go mbíonn sé de réir na fírinne.

[3] Tu, ó homem, que condenas os que praticam tais coisas e fazes as mesmas, pensas que te livrarás do juízo de Deus?

[3]Ach tusa, a dhuine, a bhíonn ag tabhairt breithe ar na daoine a dhéanann na nithe sin, an é a mheasann tú go n-éalóidh tú ó bhreithiúnas Dé agus tú féin á ndéanamh chomh maith leo?

[4] Ou desprezas a riqueza da sua bondade, e tolerância, e longanimidade, ignorando que a bondade de Deus é que te conduz ao arrependimento?

[4]Nó an amhlaidh is beag ort saibhreas a chineáltais agus a fhoighne agus a fhadfhulaingthe? Nach bhfuil a fhios agat gur do do bhrostú chun aithrí atá cineáltas Dé?

[5] Mas, segundo a tua dureza e coração impenitente, acumulas contra ti mesmo ira para o dia da ira e da revelação do justo juízo de Deus,

[5]Ach de dheasca do chroí chrua neamhaithrigh tá tú ag taisceadh feirge duit féin le haghaidh lae úd na feirge nuair a fhoilseofar ceartbhreithiúnas Dé,

[6] que retribuirá a cada um segundo o seu procedimento:

[6]a chúiteoidh le cách de réir a ghníomhartha.

[7] a vida eterna aos que, perseverando em fazer o bem, procuram glória, honra e incorruptibilidade;

[7]An mhuintir a mbíonn lorg acu ar ghlóir agus onóir agus marthanacht trí shíorleanúint den dea-obair, tabharfaidh sé dóibh beatha shíoraí;

[8] mas ira e indignação aos facciosos, que desobedecem à verdade e obedecem à injustiça.

[8]fearg agus fraoch áfach atá i ndán do lucht na míréire a dhiúltaíonn don fhírinne agus a ghéilleann don urchóid.

[9] Tribulação e angústia virão sobre a alma de qualquer homem que faz o mal, ao judeu primeiro e também ao grego;

[9]Is ea, beidh ainnise agus anacair ar gach daonnaí a dhéanann an t-olc, ar an

nGiúdach ar dtús agus ar an nGréagach chomh maith.

10 glória, porém, e honra, e paz a todo aquele que pratica o bem, ao judeu primeiro e também ao grego.

10Ach glóir agus onóir agus síocháin a bheidh ag cách a dhéanann an mhaith, ag an nGiúdach ar dtús agus ag an nGréagach chomh maith,

11 Porque para com Deus não há acepção de pessoas.

11mar ní thaobhaíonn Dia le daoine seachas a chéile.

12 Assim, pois, todos os que pecaram sem lei também sem lei perecerão; e todos os que com lei pecaram mediante lei serão julgados.

12Gach duine dá ndearna peaca gan bheith faoi réir an dlí caillfear é gan an dlí a chur san áireamh. Ach aon duine dá ndearna peaca agus é faoi réir an dlí, is de réir an dlí a thabharfar breith air.

13 Porque os simples ouvidores da lei não são justos diante de Deus, mas os que praticam a lei hão de ser justificados.

13Mar ní hiad na daoine a chloiseann an dlí atá fíréanta i bhfianaise Dé; ach lucht an dlí a choimeád a fhíréanófar.

14 Quando, pois, os gentios, que não têm lei, procedem, por natureza, de conformidade com a lei, não tendo lei, servem eles de lei para si mesmos.

14Gintlithe nach bhfuil an dlí acu, gach uair dá gcomhlíonann siad forálacha an dlí ó nádúr is dlí dóibh féin iad ainneoin nach bhfuil an dlí acu.

15 Estes mostram a norma da lei gravada no seu coração, testemunhando-lhes também a consciência e os seus pensamentos, mutuamente acusando-se ou defendendo-se,

15Taispeánann siad go bhfuil éirím an dlí greanta ar an gcroí. Agus mar fhianaise bhreise acu tá a gcoinsias féin agus a gcuid plé le chéile de réir mar bhíonn siad á chiontú seo nó á chosaint siúd.

16 no dia em que Deus, por meio de Cristo Jesus, julgar os segredos dos homens, de conformidade com o meu evangelho.

16[Léireofar é sin] an lá úd a dtabharfaidh Dia breith ar ghníomhartha rúnda na ndaoine de réir mo dhea-scéil, trí Íosa Críost.

Os judeus são indesculpáveis

Peacaí na nGiúdach

17 Se, porém, tu, que tens por sobrenome judeu, e repousas na lei, e te glorias em Deus;

17Má thugann tusa Giúdach ort féin; agus go bhfuil do sheasamh ar an dlí; agus tú muiníneach as Dia agus fios a thola agat;

18 que conheces a sua vontade e aprovas as coisas excelentes, sendo instruído na lei;

18agus, de bhrí go mbíonn tú do do theagasc ag an dlí, go n-aithníonn tú na nithe is fiúntaí;

[19] que estás persuadido de que és guia dos cegos, luz dos que se encontram em trevas,

[20] instrutor de ignorantes, mestre de crianças, tendo na lei a forma da sabedoria e da verdade;

[21] tu, pois, que ensinas a outrem, não te ensinas a ti mesmo? Tu, que pregas que não se deve furtar, furtas?

[22] Dizes que não se deve cometer adultério e o cometes? Abominas os ídolos e lhes roubas os templos?

[23] Tu, que te glorias na lei, desonras a Deus pela transgressão da lei?

[24] Pois, como está escrito, o nome de Deus é blasfemado entre os gentios por vossa causa.

O verdadeiro israelita

[25] Porque a circuncisão tem valor se praticares a lei; se és, porém, transgressor da lei, a tua circuncisão já se tornou incircuncisão.

[26] Se, pois, a incircuncisão observa os preceitos da lei, não será ela, porventura, considerada como circuncisão?

[27] E, se aquele que é incircunciso por natureza cumpre a lei, certamente, ele te julgará a ti, que, não obstante a letra e a circuncisão, és transgressor da lei.

[19]má tá tú cinnte de, mar sin, gur giolla do na daill tú agus solas don mhuintir atá sa dorchadas,

[20]gur tú oide na n-ainbhiosán agus muinteoir na naíonán mar go bhfuil corp an eolais agus na fírinne agat sa dlí -

[21]tusa, más ea, a bhíonn ag múineadh an fhir thall, nach múinfeá thú féin? Bíonn tú ag fógairt gan goid a dhéanamh, ach an mbíonn tú féin ag goid?

[22]Bíonn tú á rá gan adhaltranas a dhéanamh, ach an ndéanann tú féin adhaltranas? Is fuath leat na híola, ach an gcreachann tú a dteampaill?

[23]Bíonn tú maíteach as an dlí ach an dtugann tú tarcaisne do Dhia tríd an dlí a bhriseadh?

[24]Mar de réir an scrioptúir: "Is sibhse faoi deara ainm Dé a bheith á mhaslú i measc na ngintlithe."

[25]Is tairbheach é an timpeallghearradh go deimhin má choimeádann tú an dlí, ach más duine thú a bhriseann an dlí is cuma do thimpeallghearradh a bheith ann nó as.

[26]Ar an taobh eile de, an fear nach bhfuil timpeallghearrtha ach a choimeádann reachtanna an dlí, nach n-áireofar é siúd nach bhfuil timpeallghearrtha mar dhuine atá?

[27]Go deimhin an té atá gan timpeallghearradh na colainne, má chomhlíonann sé an dlí tabharfaidh sé daorbhreith ortsa a bhíonn ag sárú an dlí d'ainneoin cód scríofa agus timpeallghearradh a bheith agat.

[28] Porque não é judeu quem o é apenas exteriormente, nem é circuncisão a que é somente na carne.

[29] Porém judeu é aquele que o é interiormente, e circuncisão, a que é do coração, no espírito, não segundo a letra, e cujo louvor não procede dos homens, mas de Deus.

[28]Mar ní fíorGhiúdach an té atá ina Ghiúdach ar an taobh amuigh, ná ní fíorthimpeallghearradh an marc lasmuigh ar an gcolainn.

[29]Ní hea, ach is é is fíorGhiúdach ann an té atá ina Ghiúdach ina chroí istigh; agus is é is fíorthimpeallghearradh ann, timpeallghearradh an chroí nach sa litir ach sa spiorad atá. Ní ó dhaoine ach ó Dhia a fhaigheann a leithéid siúd moladh.

Romanos 3

Paulo responde a objeções

[1] Qual é, pois, a vantagem do judeu? Ou qual a utilidade da circuncisão?

[2] Muita, sob todos os aspectos. Principalmente porque aos judeus foram confiados os oráculos de Deus.

[3] E daí? Se alguns não creram, a incredulidade deles virá desfazer a fidelidade de Deus?

[4] De maneira nenhuma! Seja Deus verdadeiro, e mentiroso, todo homem, segundo está escrito: Para seres justificado nas tuas palavras e venhas a vencer quando fores julgado.

[5] Mas, se a nossa injustiça traz a lume a justiça de Deus, que diremos? Porventura, será Deus injusto por aplicar a sua ira? (Falo como homem.)

[6] Certo que não. Do contrário, como julgará Deus o mundo?

[7] E, se por causa da minha mentira, fica em relevo a verdade de Deus para a sua

Rómhánaigh 3

[1]Cad é an buntáiste atá ag an nGiúdach mar sin? Nó cad é an tairbhe dó an timpeallghearradh?

[2]Tá tairbhe mhór ann ar gach slí. Ar an gcéad dul síos is faoi chúram na nGiúdach a cuireadh ráite Dé.

[3]Má bhí féin cuid acu mídhílis, an gcuirfidh a mídhílseacht sin dílseacht Dé ar ceal?

[4]Go deimhin ní chuirfidh. Caithfidh Dia a bheith fíor más fealltóir féin gach uile dhuine, de réir mar atá scríofa: “Ionas go bhfógrófaí fíor thú i do bhriathra agus go mbeadh an bua leat i do chúis.”

[5]Ach má dhéanann ár gcuid urchóide fíréantacht Dé a léiriú, cad a déarfaimid? An bhfuil Dia éagórach má agraíonn sé a chuid feirge orainn? i dtéarmaí an duine atáim ag caint.

[6]Níl ná éagórach, mar dá mbeadh conas a thabharfadh Dia breith ar an domhan?

[7]Mar sin féin, má dhéanann mo chuid éithighse fírinne Dé a mhéadú agus cur

glória, por que sou eu ainda condenado como pecador?

[8] E por que não dizemos, como alguns, caluniosamente, afirmam que o fazemos: Pratiquemos males para que venham bens? A condenação destes é justa.

Todos os homens na condição de pecadores

[9] Que se conclui? Temos nós qualquer vantagem? Não, de forma nenhuma; pois já temos demonstrado que todos, tanto judeus como gregos, estão debaixo do pecado;

[10] como está escrito: Não há justo, nem um sequer,

[11] não há quem entenda, não há quem busque a Deus;

[12] todos se extraviaram, à uma se fizeram inúteis; não há quem faça o bem, não há nem um sequer.

[13] A garganta deles é sepulcro aberto; com a língua, urdem engano, veneno de víbora está nos seus lábios,

[14] a boca, eles a têm cheia de maldição e de amargura;

[15] são os seus pés velozes para derramar sangue,

[16] nos seus caminhos, há destruição e miséria;

[17] desconheceram o caminho da paz.

[18] Não há temor de Deus diante de seus olhos.

O judeu não constitui exceção

[19] Ora, sabemos que tudo o que a lei diz, aos que vivem na lei o diz para que se cale

lena glóir, cén fáth a dtugtar breith pheacaigh fós orm?

[8]Mar an amhlaidh a “dhéanfaimis an t-olc chun go dtiocfadh an mhaith as”, teagasc a chasann daoine áirithe linn mar mhilleadh ar ár gclú. Is maith atá a ndaoradh tuillte acu siúd.

Tá Peaca ar Chách Uile

[9]Cad atá le rá mar sin? An fearr an bhail atá orainne ná mar atá orthusan? Ní fearr ar chor ar bith, mar chuireamar i leith Giúdach agus Gréagach cheana féin go bhfuil siad uile faoi smacht an pheaca

[10]de réir mar atá scríofa: Níl oiread agus aon fhíréan amháin fágtha;

[11]Níl duine ann a bhfuil tuiscint aige ná duine a bhfuil lorg aige ar Dhia.

[12]Tá siad uile imithe ar seachrán agus chun fáin le chéile. Níl oiread agus aon duine amháin a dhéanann an mhaith.

[13]Tá a scornach mar a bheadh tuama ar leathadh; caint chealgach a bhíonn ar a dteanga agus nimh nathracha faoina mbeola,

[14]agus a mbéal lán d'eascainí agus de bhinb.

[15]Is lúfar a gcosa chun fuil a dhoirteadh.

[16]Eirleach agus ainnise atá ar an mbóthar a ghabhann siad,

[17]ach bóthar na síochaná ní aithnid dóibh,

[18]ná níl eagla Dé os comhair a súl.

[19]Mar is eol dúinn, gach a ndeir an dlí is leo sin atá faoi réir an dlí a deir sé é, chun

toda boca, e todo o mundo seja culpável perante Deus,

[20] visto que ninguém será justificado diante dele por obras da lei, em razão de que pela lei vem o pleno conhecimento do pecado.

A justificação pela fé em Jesus Cristo

[21] Mas agora, sem lei, se manifestou a justiça de Deus testemunhada pela lei e pelos profetas;

[22] justiça de Deus mediante a fé em Jesus Cristo, para todos [e sobre todos] os que crêem; porque não há distinção,

[23] pois todos pecaram e carecem da glória de Deus,

[24] sendo justificados gratuitamente, por sua graça, mediante a redenção que há em Cristo Jesus,

[25] a quem Deus propôs, no seu sangue, como propiciação, mediante a fé, para manifestar a sua justiça, por ter Deus, na sua tolerância, deixado impunes os pecados anteriormente cometidos;

[26] tendo em vista a manifestação da sua justiça no tempo presente, para ele mesmo ser justo e o justificador daquele que tem fé em Jesus.

[27] Onde, pois, a jactância? Foi de todo excluída. Por que lei? Das obras? Não; pelo contrário, pela lei da fé.

go gcuirfí gach béal ina thost agus go mbeadh an domhan go léir freagrach do Dhia.

[20]Mar ní fhíréanófar duine ar bith i bhfianaise Dé as an dlí a chomhlíonadh. Óir is aithne ar an bpeaca a thagann ón dlí.

Fíréantacht Dé á Nochtadh

[21]Anois, áfach, tá fíréantacht Dé arna nochtadh gan spleáchas leis an dlí ach go bhfuil an dlí agus na fáithe ina bhfianaise uirthi.

[22]Trí chreideamh in Íosa Críost téann an fhíréantacht seo Dé i gcion ar an uile dhuine a bhfuil an creideamh aige. Níl aon dealú ann,

[23]mar tá an peaca déanta acu uile agus iad uile in uireasa ghlóire Dé;

[24]fíréanaítear in aisce lena ghrásta iad de bharr na fuascailte atá in Íosa Críost,

[25]an té ar leag Dia amach dó a bheith in shás peacaí a ghlanadh lena chuid fola ach creideamh a bheith ann, chun fíréantacht Dé a thaispeáint agus a rá gur lig sé thairis le barr a fhoighne na seanpheacaí a bhí déanta;

[26]agus lena thaispeáint san am i láthair chomh maith go bhfuil sé fíréanta ann féin agus go bhfíréanaíonn sé gach duine a bhfuil a chreideamh in Íosa aige.

Feidhm an Chreidimh

[27]Cá bhfuil do chuid mórála, mar sin? Tá an doras dúnta uirthi. Agus cad é an saghas dlí a dhún an doras uirthi? Dlí na

n-oibreacha an ea? Ní hea go deimhin, ach dlí an chreidimh.

[28] Concluímos, pois, que o homem é justificado pela fé, independentemente das obras da lei.

[28]Mar is é ár mbreith gur trí chreideamh a fhíréanaítear duine gan spleáchas d'oibreacha an dlí.

[29] É, porventura, Deus somente dos judeus? Não o é também dos gentios? Sim, também dos gentios,

[29]Nó an leis na Giúdaigh amháin Dia? Nach leis na páganaigh chomh maith é? Go deimhin is leis na páganaigh chomh maith é,

[30] visto que Deus é um só, o qual justificará, por fé, o circunciso e, mediante a fé, o incircunciso.

[30]mar níl ann ach an t-aon Dia amháin agus fíréanóidh sé an mhuintir thimpeallghearrtha mar gheall ar a gcreideamh agus an mhuintir gan timpeallghearradh trína gcreideamh chomh maith.

[31] Anulamos, pois, a lei pela fé? Não, de maneira nenhuma! Antes, confirmamos a lei.

[31]An bhfuilimid ag cur an dlí ar neamhní leis an gcreideamh mar sin? Nílimid ar chor ar bith. Is ag daingniú an dlí atáimid.

Romanos 4

Abraão justificado pela fé

[1] Que, pois, diremos ter alcançado Abraão, nosso pai segundo a carne?

[2] Porque, se Abraão foi justificado por obras, tem de que se gloriar, porém não diante de Deus.

[3] Pois que diz a Escritura? Abraão creu em Deus, e isso lhe foi imputado para justiça.

[4] Ora, ao que trabalha, o salário não é considerado como favor, e sim como dívida.

[5] Mas, ao que não trabalha, porém crê naquele que justifica o ímpio, a sua fé lhe é atribuída como justiça.

Rómhánaigh 4

Is mar gheall ar a Chreideamh -- a Fíréanaíodh Abrahám

[1]Cad a déarfaimid, mar sin, faoi Abrahám, ár sinsear de réir na feola?

[2]Más mar gheall ar a ghníomhartha a fíréanaíodh Abrahám, tá cúis mhórála aige, ach ní i bhfianaise Dé é,

[3]mar cad é seo a deir an scrioptúr: “Chreid Abrahám Dia agus áiríodh é sin mar fhíréantacht aige.”

[4]Nuair a dhéanann duine píosa oibre ní mar aisce a áirítear a thuarastal ach mar cheart.

[5]An duine, áfach, nach ndéanann aon ní ach creidiúint sa té a fhíréanaíonn an

t-éagráifeach, áirítear a chreideamh mar fhíréantacht aige.

[6] E é assim também que Davi declara ser bem-aventurado o homem a quem Deus atribui justiça, independentemente de obras:

[6]Ar an gcuma chéanna go díreach tráchtann Dáiví ar aoibhneas an duine ag a n-áiríonn Dia fíréantacht gan spleáchas do ghníomhartha:

[7] Bem-aventurados aqueles cujas iniqüidades são perdoadas, e cujos pecados são cobertos;

[7]Is aoibhinn dóibh siúd ar maitheadh a gcionta dóibh agus ar clúdaíodh a bpeacaí.

[8] bem-aventurado o homem a quem o SENHOR jamais imputará pecado.

[8]Is aoibhinn don duine nach gcuireann an Tiarna a pheaca ina leith.

Gan Spleáchas don Timpeallghearradh

[9] Vem, pois, esta bem-aventurança exclusivamente sobre os circuncisos ou também sobre os incircuncisos? Visto que dizemos: a fé foi imputada a Abraão para justiça.

[9]An do mhuintir an timpeallghearrtha an t-aoibhneas seo nó fós don mhuintir atá gan timpeallghearradh? Táimid a rá "gur áiríodh a chreideamh mar fhíréantacht ag Abrahám".

[10] Como, pois, lhe foi atribuída? Estando ele já circuncidado ou ainda incircunciso? Não no regime da circuncisão, e sim quando incircunciso.

[10]Ach conas a áiríodh? Tar éis a thimpeallghearrtha nó sular timpeallghearradh é? Ní tar éis a thimpeallghearrtha é ach roimhe sin,

[11] E recebeu o sinal da circuncisão como selo da justiça da fé que teve quando ainda incircunciso; para vir a ser o pai de todos os que crêem, embora não circuncidados, a fim de que lhes fosse imputada a justiça,

[11]mar is amhlaidh a fuair sé comhartha an timpeallghearrtha mar shéala ar an bhfíréantacht a bhí aige de bharr a chreidimh sular timpeallghearradh é. Is sinsear é, mar sin, do na daoine neamhthimpeallghearrtha go léir a bhfuil creideamh acu agus ag a n-áirítear an fhíréantacht dá bharr;

[12] e pai da circuncisão, isto é, daqueles que não são apenas circuncisos, mas também andam nas pisadas da fé que teve Abraão, nosso pai, antes de ser circuncidado.

[12]agus is sinsear chomh maith é don mhuintir atá timpeallghearrtha ach nach timpeallghearrtha amháin atá siad ach go leanann siad ina theanntasan lorg an chreidimh a bhí ag ár sinsear Abrahám sul ar timpeallghearradh é.

[13] Não foi por intermédio da lei que a Abraão ou a sua descendência coube a promessa de ser herdeiro do mundo, e sim mediante a justiça da fé.

[14] Pois, se os da lei é que são os herdeiros, anula-se a fé e cancela-se a promessa,

[15] porque a lei suscita a ira; mas onde não há lei, também não há transgressão.

[16] Essa é a razão por que provém da fé, para que seja segundo a graça, a fim de que seja firme a promessa para toda a descendência, não somente ao que está no regime da lei, mas também ao que é da fé que teve Abraão (porque Abraão é pai de todos nós,

[17] como está escrito: Por pai de muitas nações te constituí.), perante aquele no qual creu, o Deus que vivifica os mortos e chama à existência as coisas que não existem.

[18] Abraão, esperando contra a esperança, creu, para vir a ser pai de muitas nações, segundo lhe fora dito: Assim será a tua descendência.

[19] E, sem enfraquecer na fé, embora levasse em conta o seu próprio corpo amortecido, sendo já de cem anos, e a idade avançada de Sara,

[20] não duvidou, por incredulidade, da promessa de Deus; mas, pela fé, se fortaleceu, dando glória a Deus,

[13]Ní mar gheall ar aon dlí a gealladh d'Abrahám ná dá shliocht go mbeadh sé ina oidhre ar an domhan ach mar gheall ar fhíréantacht chreidimh.

[14]Mar, más iad na daoine atá i dtaobh leis an dlí is oidhrí, tá an creideamh gan bhrí agus an gealltanas gan éifeacht.

[15]Go deimhin déanann an dlí fearg a chothú, mar an áit nach mbíonn dlí ní bhíonn briseadh dlí ann ach oiread.

[16]Is ó chreideamh é dá bhrí sin, ionas go mbeadh an gealltanas le fáil saor in aisce, agus go mbeadh éifeacht aige do shliocht iomlán Abrahám, ní amháin don chuid sin atá i dtaobh leis an dlí ach fós don chuid atá i dtaobh le creideamh Abrahám, an té is athair dúinn go léir

[17]de réir an scrioptúir: “Tá tú ceaptha agam i d'athair ar mhórán náisiún,” i bhfianaise an Dé ar chreid sé ann, an té a bheonn na mairbh agus a ghlaonn ar bith na nithe nach raibh ann.

Creideamh Abrahám agus Creideamh an Chríostaí

[18]Agus gan aon ábhar dóchais aige, chreid sé go dóchasach go mbeadh sé ina athair ar mhórán náisiún de réir mar a bhí ráite: “Amhlaidh sin a bheidh do shíol.”

[19]Níor lagaigh ar a chreideamh ag machnamh dó ar a chorp spíonta féin - bhí sé ag tarraingt ar an gcéad - agus ar bhroinn mharbh Shárá.

[20]Ní raibh ceist ná amhras air mar gheall ar ghealltanas Dé; go deimhin is amhlaidh a neartaíodh ina chreideamh é agus thug sé glóir do Dhia

[21] estando plenamente convicto de que ele era poderoso para cumprir o que prometera.
[22] Pelo que isso lhe foi também imputado para justiça.

[23] E não somente por causa dele está escrito que lhe foi levado em conta,

[24] mas também por nossa causa, posto que a nós igualmente nos será imputado, a saber, a nós que cremos naquele que ressuscitou dentre os mortos a Jesus, nosso SENHOR,
[25] o qual foi entregue por causa das nossas transgressões e ressuscitou por causa da nossa justificação.

[21]mar go raibh sé lánchinnte de go bhféadfadh Dia a raibh geallta aige a chur i gcrích.
[22]Sin é an fáth ar "áiríodh a chreideamh mar fhíréantacht aige".
[23]Agus ní ina thaobh sin amháin a scríobhadh na focail seo: "Áiríodh mar fhíréantacht aige é"

[24]ach inár dtaobhna chomh maith. Mar áireofar mar fhíréantacht againne é, de bhrí go gcreidimid sa té a thóg ó mhairbh Íosa ár dTiarna,

[25]a tugadh suas mar gheall ar ár gcionta agus a tógadh ó mhairbh i gcomhair ár bhfíréanaithe.

Romanos 5

A justificação pela fé e paz com Deus

[1] Justificados, pois, mediante a fé, temos paz com Deus por meio de nosso SENHOR Jesus Cristo;
[2] por intermédio de quem obtivemos igualmente acesso, pela fé, a esta graça na qual estamos firmes; e gloriamo-nos na esperança da glória de Deus.
[3] E não somente isto, mas também nos gloriamos nas próprias tribulações, sabendo que a tribulação produz perseverança;
[4] e a perseverança, experiência; e a experiência, esperança.
[5] Ora, a esperança não confunde, porque o amor de Deus é derramado em nosso coração pelo Espírito Santo, que nos foi outorgado.

Rómhánaigh 5

Tá ár Slánú in Áirithe Dúinn

[1]Dá bhrí sin, ó táimid fíréanaithe ag an gcreideamh, tá síocháin againn le Dia trínár dTiarna Íosa Críost,
[2]mar is trídsean atá teacht againn le creideamh ar an ngrásta seo ina mairimid. Agus ábhar mórála dúinn is ea an dóchas go bhfuil glóir Dé i ndán dúinn.

[3]Agus ní amháin sin ach is ábhar mórála dúinn ár dtrioblóidí agus a fhios againn go dtagann foighne ón trioblóid,

[4]agus diongbháilteacht ón bhfoighne agus dóchas ón diongbháilteacht.

[5]Ní chliseann an dóchas seo orainn mar tá ár gcroí líonta de ghrá Dé tríd an Spiorad Naomh a tugadh dúinn.

[6] Porque Cristo, quando nós ainda éramos fracos, morreu a seu tempo pelos ímpios.

[7] Dificilmente, alguém morreria por um justo; pois poderá ser que pelo bom alguém se anime a morrer.

[8] Mas Deus prova o seu próprio amor para conosco pelo fato de ter Cristo morrido por nós, sendo nós ainda pecadores.

[9] Logo, muito mais agora, sendo justificados pelo seu sangue, seremos por ele salvos da ira.

[10] Porque, se nós, quando inimigos, fomos reconciliados com Deus mediante a morte do seu Filho, muito mais, estando já reconciliados, seremos salvos pela sua vida;

[11] e não apenas isto, mas também nos gloriamos em Deus por nosso SENHOR Jesus Cristo, por intermédio de quem recebemos, agora, a reconciliação.

Adão e Cristo

[12] Portanto, assim como por um só homem entrou o pecado no mundo, e pelo pecado, a morte, assim também a morte passou a todos os homens, porque todos pecaram.

[13] Porque até ao regime da lei havia pecado no mundo, mas o pecado não é levado em conta quando não há lei.

[14] Entretanto, reinou a morte desde Adão até Moisés, mesmo sobre aqueles que não pecaram à semelhança da transgressão de Adão, o qual prefigurava aquele que havia de vir.

[6]Nuair a bhíomar fós lag, fuair Críost bás i dtráth ar son drochdhaoine.

[7]Is ar éigean a gheobhadh fear bás ar son duine chóir féin - is ea, b'fhéidir go mbeadh sé de chroí aige bás a fháil ar son dea-dhuine.

[8]Ach cruthaíonn Dia an grá atá aige dúinn trí Chríost a fháil bháis ar ár son agus sinn fós inár bpeacaigh.

[9]Ó táimid fíréanaithe anois trína chuid fola, nach móide go mór go saorfar sinn tríd ó fhearg Dé?

[10]Agus má rinneadh athmhuintearas idir sinn agus Dia trí bhás a Mhic agus sinn inár naimhde dó, nach móide go mór anois agus an t-athmhuintearas déanta go saorfar sinn trína bheatha?

[11]Agus ní hé sin amháin é, ach táimid mórálach as Dia trínár dTiarna Íosa Críost, an té a ghnóthaigh an t-athmhuintearas sin anois dúinn.

Íosa agus Ádhamh

[12]Faoi mar a tháinig an peaca isteach sa saol trí aon duine amháin agus an bás isteach tríd an bpeaca, sa tslí sin leath an bás i measc cách uile de bhrí go ndearna cách uile an peaca.

[13]Bhí an peaca ar an saol, ar ndóigh, sular tugadh an dlí ach ní chuirtear an peaca sa chuntas mura mbíonn dlí ann.

[14]Mar sin féin bhí an bás i réim ó Ádhamh anuas go Maois fiú amháin dóibh siúd nach raibh ciontach i mbriseadh reachta ar nós Ádhaimh. Agus bhí Ádhamh ina shamhail ar an té úd a bhí le teacht.

[15] Todavia, não é assim o dom gratuito como a ofensa; porque, se, pela ofensa de um só, morreram muitos, muito mais a graça de Deus e o dom pela graça de um só homem, Jesus Cristo, foram abundantes sobre muitos.

[15]Ach ní hé an dála céanna ag an tabhartas agus ag an gcoir é. Mar, má fuair mórán bás de bharr choir an aon duine amháin, is fairsinge go mór do mhórán a bhí grásta Dé agus an tabhartas a dáileadh de dheonú an aon duine amháin, Íosa Críost.

[16] O dom, entretanto, não é como no caso em que somente um pecou; porque o julgamento derivou de uma só ofensa, para a condenação; mas a graça transcorre de muitas ofensas, para a justificação.

[16]Agus ní hé an dála céanna ag an tabhartas agus ag an toradh a bhí ar pheaca an duine aonair é: tháinig breithiúnas an daortha as coir aonair, ach is as coireanna iomadúla a tháinig tabhartas an tsaortha.

[17] Se, pela ofensa de um e por meio de um só, reinou a morte, muito mais os que recebem a abundância da graça e o dom da justiça reinarão em vida por meio de um só, a saber, Jesus Cristo.

[17]Más trí choir an aon duine amháin a tháinig an bás i réim tríd an aon duine amháin, is mó go mór ná sin a bheidh réimeas na beatha tríd an aon duine amháin Íosa Críost, acu siúd a fhaigheann flúirse den ghrásta agus de thabhartas na fíréantachta.

[18] Pois assim como, por uma só ofensa, veio o juízo sobre todos os homens para condenação, assim também, por um só ato de justiça, veio a graça sobre todos os homens para a justificação que dá vida.

[18]Dá réir sin, faoi mar tugadh daorbhreith ar chách uile de dheasca choir an aon duine amháin, ar an gcuma chéanna tugadh saorbhreith na beatha ar chách uile de bharr dhea-ghníomh an aon duine amháin.

[19] Porque, como, pela desobediência de um só homem, muitos se tornaram pecadores, assim também, por meio da obediência de um só, muitos se tornarão justos.

[19]Faoi mar a rinneadh peacaigh de mhórán trí easumhlaíocht an aon duine amháin, ar an gcuma chéanná déanfar fíréin de mhórán trí umhlaíocht an aon duine amháin.

[20] Sobreveio a lei para que avultasse a ofensa; mas onde abundou o pecado, superabundou a graça,

[20]Agus tháinig an dlí isteach chun méadú ar an gcoir ach an áit ar mhéadaigh ar an bpeaca is mó fós a mhéadaigh ar an ngrásta,

[21] a fim de que, como o pecado reinou pela morte, assim também reinasse a graça pela justiça para a vida eterna, mediante Jesus Cristo, nosso SENHOR.

Romanos 6

Livres do pecado pela graça

[1] Que diremos, pois? Permaneceremos no pecado, para que seja a graça mais abundante?

[2] De modo nenhum! Como viveremos ainda no pecado, nós os que para ele morremos?

[3] Ou, porventura, ignorais que todos nós que fomos batizados em Cristo Jesus fomos batizados na sua morte?

[4] Fomos, pois, sepultados com ele na morte pelo batismo; para que, como Cristo foi ressuscitado dentre os mortos pela glória do Pai, assim também andemos nós em novidade de vida.

[5] Porque, se fomos unidos com ele na semelhança da sua morte, certamente, o seremos também na semelhança da sua ressurreição,

[6] sabendo isto: que foi crucificado com ele o nosso velho homem, para que o corpo do pecado seja destruído, e não sirvamos o pecado como escravos;

[7] porquanto quem morreu está justificado do pecado.

[8] Ora, se já morremos com Cristo, cremos que também com ele viveremos,

[21]ionas, mar a tháinig an peaca i réim tríd an mbás, go dtiocfadh an grásta i réim tríd an bhfíréantacht chun na beatha síoraí trí Íosa Críost ár dTiarna.

Rómhánaigh 6

An Baisteadh: Bás agus Aiséirí le Críost

[1]Cad a déarfaimid mar sin? An leanfaimid den pheaca chun go méadódh ar an ngrásta?

[2]Nár lige Dia sin! Sinne a fuair bás mar leis an bpeaca, conas a mhairfimid fós ann?

[3]Nó an é nach dtuigeann sibh, gach duine againn a baisteadh in Íosa Críost, gur ina bhás a baisteadh é.

[4]Go deimhin comhadhlacadh sinn sa bhás leis tríd an mbaisteadh i dtreo go siúlóimisne freisin i mbeatha úrnua, faoi mar a tógadh Críost ó mhairbh trí ghlóir an Athar.

[5]Mar má táimid aontaithe leis trí mhacasamhail a bháis beimid aontaithe leis freisin trí mhacasamhail a aiséirí.

[6]Tá a fhios againn é seo, gur comhchéasadh ár seannádúr mar aon leis ar an gcrois d'fhonn ár gcolainn pheacúil a chur ó rath, i dtreo nach mbeimis ag seirbhís don pheaca níos mó.

[7]Mar an té atá tar éis bháis, tá sé saor ón bpeaca.

[8]Ach má fuaireamar bás mar aon le Críost, creidimid go mbeimid beo mar aon leis chomh maith.

[9] sabedores de que, havendo Cristo ressuscitado dentre os mortos, já não morre; a morte já não tem domínio sobre ele.

[9]Tá a fhios againn ó tógadh Críost ó mhairbh nach bhfaighidh sé bás níos mó. Níl aon cheannas ag an mbás air feasta,

[10] Pois, quanto a ter morrido, de uma vez para sempre morreu para o pecado; mas, quanto a viver, vive para Deus.

[10]mar an bás a fuair sé, ba bhás mar leis an bpeaca é, don aon uair amháin go deo, ach is beatha do Dhia a bheatha feasta.

[11] Assim também vós considerai-vos mortos para o pecado, mas vivos para Deus, em Cristo Jesus.

[11]Ar an gcuma chéanná ní mór daoibhse a mheas gur daoine sibh chomh maith atá marbh don pheaca agus beo do Dhia in Íosa Críost.

Seirbhís don Fhíréantacht

[12] Não reine, portanto, o pecado em vosso corpo mortal, de maneira que obedeçais às suas paixões;

[12]Dá réir sin, ná bíodh an peaca i réim in bhur gcolainn bhásmhar le go mbeadh sibh ag géilleadh dá hainmhianta.

[13] nem ofereçais cada um os membros do seu corpo ao pecado, como instrumentos de iniqüidade; mas oferecei-vos a Deus, como ressurretos dentre os mortos, e os vossos membros, a Deus, como instrumentos de justiça.

[13]Agus ná tugaigí bhur mbaill bheatha suas don pheaca le bheith ina n-uirlisí urchóide ach, mar dhaoine a bheadh éiríthe beo ó mhairbh, déanaigí sibh féin a thabhairt suas do Dhia agus bíodh bhur mbaill bheatha ina n-uirlisí fíréantachta ag Dia.

[14] Porque o pecado não terá domínio sobre vós; pois não estais debaixo da lei, e sim da graça.

[14]Mar ní bheidh aon tiarnas ag an bpeaca oraibh de bhrí nach faoin dlí atá sibh ach faoin ngrásta.

A lei, a escravidão e a graça

Tá na Fíréin Saor ó Chuing an Pheaca

[15] E daí? Havemos de pecar porque não estamos debaixo da lei, e sim da graça? De modo nenhum!

[15]Cad é mar sin? An ndéanfaimid an peaca nuair nach faoin dlí atáimid ach faoi ghrásta? Nár lige Dia sin!

[16] Não sabeis que daquele a quem vos ofereceis como servos para obediência, desse mesmo a quem obedeceis sois servos, seja do pecado para a morte ou da obediência para a justiça?

[16]Nach bhfuil a fhios agaibh, má thugann sibh sibh féin suas do dhuine chun umhlú dó mar sheirbhísigh, gur seirbhísigh sibh don mháistir sin a n-umhlaíonn sibh dó, cibé acu don pheaca chun báis, nó don umhlaíocht chun fíréantachta.

[17] Mas graças a Deus porque, outrora, escravos do pecado, contudo, viestes a obedecer de coração à forma de doutrina a que fostes entregues;

[18] e, uma vez libertados do pecado, fostes feitos servos da justiça.

[19] Falo como homem, por causa da fraqueza da vossa carne. Assim como oferecestes os vossos membros para a escravidão da impureza e da maldade para a maldade, assim oferecei, agora, os vossos membros para servirem à justiça para a santificação.

[20] Porque, quando éreis escravos do pecado, estáveis isentos em relação à justiça.

[21] Naquele tempo, que resultados colhestes? Somente as coisas de que, agora, vos envergonhais; porque o fim delas é morte.

[22] Agora, porém, libertados do pecado, transformados em servos de Deus, tendes o vosso fruto para a santificação e, por fim, a vida eterna;

[23] porque o salário do pecado é a morte, mas o dom gratuito de Deus é a vida eterna em Cristo Jesus, nosso SENHOR.

Romanos 7

A analogia do casamento

[1] Porventura, ignorais, irmãos (pois falo aos que conhecem a lei), que a lei tem domínio sobre o homem toda a sua vida?

[17]Bhí sibh tráth ag seirbhís don pheaca, ach a bhuí le Dia, ghéill sibh ó chroí do riail an teagaisc ar cuireadh sibh faoina threoir,

[18]fuasclaíodh sibh ó chuing an pheaca agus chuaigh sibh faoi chuing na fíréantachta.

[19]De dheasca bhur laige nádúrtha - is i dtéarmaí daonna atáim ag labhairt anois - faoi mar a thug sibh suas bhur mbaill bheatha tráth mar sclábhaithe don salachar agus don urchóid chun na hurchóide, tugaigí suas bhur mbaill anois mar sclábhaithe don fhíréantacht chun na naofachta.

[20]Fad a bhí sibh in bhur sclábhaithe ag an bpeaca bhí sibh saor ón bhfíréantacht.

[21]Agus cad é an toradh a bhíodh agaibh an uair sin ar nithe ar náir libh anois iad? Mar is é an bás a ndeireadh siúd.

[22]Anois, áfach, ó tá sibh fuascailte ón bpeaca agus dulta i seirbhís Dé, is i an naofacht atá mar thoradh agaibh agus is i an bheatha shíoraí a deireadh siúd.

[23]Mar pá ón bpeaca is ea an bás, ach tabhartas ó Dhia is ea an bheatha shíoraí in Íosa Críost ár dTiarna.

Rómhánaigh 7

Tá an Fíréan réidh leis an Dlí

[1]Nach bhfuil a fhios agaibh, a bhráithre - ag caint atáim le daoine atá eolach ar chúrsaí dlí - nach mbíonn duine faoi smacht an dlí ach fad is beo dó.

[2] Ora, a mulher casada está ligada pela lei ao marido, enquanto ele vive; mas, se o mesmo morrer, desobrigada ficará da lei conjugal.

[3] De sorte que será considerada adúltera se, vivendo ainda o marido, unir-se com outro homem; porém, se morrer o marido, estará livre da lei e não será adúltera se contrair novas núpcias.

[4] Assim, meus irmãos, também vós morrestes relativamente à lei, por meio do corpo de Cristo, para pertencerdes a outro, a saber, aquele que ressuscitou dentre os mortos, a fim de que frutifiquemos para Deus.

[5] Porque, quando vivíamos segundo a carne, as paixões pecaminosas postas em realce pela lei operavam em nossos membros, a fim de frutificarem para a morte.

[6] Agora, porém, libertados da lei, estamos mortos para aquilo a que estávamos sujeitos, de modo que servimos em novidade de espírito e não na caducidade da letra.

A lei e o pecado

[7] Que diremos, pois? É a lei pecado? De modo nenhum! Mas eu não teria conhecido o pecado, senão por intermédio da lei; pois não teria eu conhecido a cobiça, se a lei não dissera: Não cobiçarás.

[8] Mas o pecado, tomando ocasião pelo mandamento, despertou em mim toda sorte de concupiscência; porque, sem lei, está morto o pecado.

[2]An bhean phósta, cuir i gcás, bíonn sí ceangailte ag an dlí dá fear céile fad a mhaireann sé; ach má chailltear a fear bíonn sí saor ó dhlí a fir.

[3]Má ghabhann sí le fear eile, mar sin, fad is beo dá fear céile glaofar adhaltrach uirthi; ach má chailltear a fear bíonn sí saor ón dlí, sa tslí nach adhaltrach í má ghabhann sí leis an bhfear eile.

[4]Is é an dála céanna agaibhse é, a bhráithre; fuair sibh bás mar leis an dlí trí chorp Chríost, chun go ngabhfadh sibh le fear céile eile, leis an té úd a tógadh ó mhairbh, agus gur do Dhia a thabharfaimis toradh.

[5]Mar fad a mhaireamar sa cholainn, bhíodh na hainmhianta peacúla úd a bhíonn á gcothú ag an dlí go gníomhach inár mbaill bheatha ag tabhairt toraidh don bhás.

[6]Anois, áfach, ó tá bás faighte againn ó thaobh an ní úd a bhí dár gcoinneáil i ngéibheann, táimid fuascailte ón dlí chun seirbhís a dhéanamh faoi chóras nua an spioraid in ionad faoi sheanchóras an chóid scríofa.

An Dlí agus an Peaca

[7]Cad a déarfaimid mar sin? Gur peaca é an dlí? Ní hea ar chor ar bith. Mar sin féin ní chuirfinnse eolas ar an bpeaca murach an dlí. Ní thuigfinn cad is saint ann, ach gur dhúirt an dlí “ná santaigh”.

[8]Ach rug an peaca ar an bhfaill agus trí bhíthin na haithne sin d'oibrigh gach cineál saint ionam; mar in éagmais an dlí bíonn an peaca gan bhrí.

[9] Outrora, sem a lei, eu vivia; mas, sobrevindo o preceito, reviveu o pecado, e eu morri.

[10] E o mandamento que me fora para vida, verifiquei que este mesmo se me tornou para morte.

[11] Porque o pecado, prevalecendo-se do mandamento, pelo mesmo mandamento, me enganou e me matou.

[12] Por conseguinte, a lei é santa; e o mandamento, santo, e justo, e bom.

[13] Acaso o bom se me tornou em morte? De modo nenhum! Pelo contrário, o pecado, para revelar-se como pecado, por meio de uma coisa boa, causou-me a morte, a fim de que, pelo mandamento, se mostrasse sobremaneira maligno.

[14] Porque bem sabemos que a lei é espiritual; eu, todavia, sou carnal, vendido à escravidão do pecado.

[15] Porque nem mesmo compreendo o meu próprio modo de agir, pois não faço o que prefiro, e sim o que detesto.

[16] Ora, se faço o que não quero, consinto com a lei, que é boa.

[17] Neste caso, quem faz isto já não sou eu, mas o pecado que habita em mim.

[18] Porque eu sei que em mim, isto é, na minha carne, não habita bem nenhum, pois o querer o bem está em mim; não, porém, o efetuá-lo.

[9]Lá den saol, in éagmais an dlí, bhí mise beo; ach ar theacht don aithne, bheoigh an peaca

[10]agus fuair mise bás. An aithne úd a ceapadh le bheith ina cúis bheatha dom is ina cúis bháis a bhí sí,

[11]mar gur rug an peaca ar an bhfaill agus trí bhíthin na haithne mheall agus mharaigh sé mé tríthi.

[12]Más ea, is rud naofa é an dlí agus is rud naofa í an aithne, rud cóir maith.

[13]An raibh rud maith ina chúis bháis dom, mar sin? Ní raibh ar chor ar bith, ach an peaca, i dtreo go mba léir gur peaca é dáiríre, bhain sé feidhm as rud maith chun bás a imirt orm; agus sa tslí sin trí bhíthin na haithne, go n-éireodh an peaca peacúil thar na bearta.

An Choimhlint Chráite

[14]Tá a fhios againn gur rud spioradálta é an dlí; táimse collaí, áfach, agus díolta leis an bpeaca.

[15]Go deimhin ní thuigim mo chuid iompair féin, mar ní hé an ní is áil liom a dhéanaim, ach an ní is fuath liom, is é a bhíonn ar siúl agam.

[16]Ach más é an ní nach áil liom a dhéanaim aontaím dá réir go bhfuil an dlí go fónta.

[17]Go deimhin féin ní mise a chuireann an beart i gcrích feasta ach an peaca atá lonnaithe ionam.

[18]Tá a fhios agam nach aon ní ar fónamh atá lonnaithe ionam, is é sin le rá sa chuid chollaí díom, mar bíonn fonn an dea-

ghnímh orm ach ní bhfaighim ionam é a chur i gcrích.

[19] Porque não faço o bem que prefiro, mas o mal que não quero, esse faço.

[19]An mhaith is áil liom ní dhéanaim í, ach an t-olc nach áil liom is é a dhéanaim.

[20] Mas, se eu faço o que não quero, já não sou eu quem o faz, e sim o pecado que habita em mim.

[20]Ach más é an ní nach áil liom a dhéanaim ní mise a chuireann i gcrích é feasta ach an peaca atá lonnaithe ionam.

[21] Então, ao querer fazer o bem, encontro a lei de que o mal reside em mim.

[21]Aithním mar sin an prionsabal seo a bheith ann: nuair is áil liom an mhaith a dhéanamh is é an t-olc a bhíonn i mo ghaobhar.

[22] Porque, no tocante ao homem interior, tenho prazer na lei de Deus;

[22]Mar is aoibhinn liom dlí Dé i mo chroí istigh

[23] mas vejo, nos meus membros, outra lei que, guerreando contra a lei da minha mente, me faz prisioneiro da lei do pecado que está nos meus membros.

[23]ach tugaim dlí eile faoi deara i mo bhaill bheatha agus é i ngleic leis an dlí atá i m'aigne agus ag déanamh cime díom ag dlí an pheaca atá lonnaithe i mo bhaill.

[24] Desventurado homem que sou! Quem me livrará do corpo desta morte?

[24]Ó nach mise an díol trua! Cé a fhuasclóidh ón trú seo coirp mé?

[25] Graças a Deus por Jesus Cristo, nosso SENHOR. De maneira que eu, de mim mesmo, com a mente, sou escravo da lei de Deus, mas, segundo a carne, da lei do pecado.

[25]A bhuí le Dia go bhfuasclófar mé trí Íosa Críost ár dTiarna. Má fhágtar fúm féin mé, mar sin, is amhlaidh a bhím ag fónamh do dhlí Dé le m'aigne agus ag fónamh do dhlí an pheaca le mo cholainn.

Romanos 8

Nenhuma condenação. O pendor do Espírito

[1] Agora, pois, já nenhuma condenação há para os que estão em Cristo Jesus.

[2] Porque a lei do Espírito da vida, em Cristo Jesus, te livrou da lei do pecado e da morte.

[3] Porquanto o que fora impossível à lei, no que estava enferma pela carne, isso fez Deus enviando o seu próprio Filho em semelhança de carne pecaminosa e no

Rómhánaigh 8

Tá Beatha an Fhíréin faoi Threoir an Spioraid

[1]Níl aon daorbhreith anois, mar sin, ar an muintir atá in Íosa Críost,

[2]mar tá dlí Spiorad na beatha in Íosa Críost tar éis tú a fhuascailt ó dhlí an pheaca agus an bháis.

[3]An ní nárbh fhéidir don dlí a dhéanamh mar gur fhág an cholainn gan feidhm é, rinne Dia é i dtaobh an pheaca nuair a sheol sé uaidh a Mhac féin i riocht

tocante ao pecado; e, com efeito, condenou Deus, na carne, o pecado,

colainne an pheaca, agus gur thug sé daorbhreith ar an bpeaca sa cholainn

4 a fim de que o preceito da lei se cumprisse em nós, que não andamos segundo a carne, mas segundo o Espírito.

4i dtreo go bhféadfaí dualgais an dlí a chomhlíonadh ionainn nuair nach faoi réir na colainne a mhairimid ach faoi réir an Spioraid.

5 Porque os que se inclinam para a carne cogitam das coisas da carne; mas os que se inclinam para o Espírito, das coisas do Espírito.

5Iad sin a mhaireann faoi réir na colainne is ar nithe collaí a bhíonn a n-aird, ach iad sin a mhaireann faoi réir an Spioraid is ar nithe spioradálta a bhíonn a n-airdsean.

6 Porque o pendor da carne dá para a morte, mas o do Espírito, para a vida e paz.

6Gabhann an bás leis an meon collaí ach is beatha agus síocháin a ghabhann leis an meon spioradálta.

7 Por isso, o pendor da carne é inimizade contra Deus, pois não está sujeito à lei de Deus, nem mesmo pode estar.

7Is namhaid do Dhia an meon collaí mar nach ngéilleann sé do dhlí Dé agus nach féidir dó é;

8 Portanto, os que estão na carne não podem agradar a Deus.

8agus na daoine, atá faoi réir na colainne ní féidir dóibh Dia a shásamh.

9 Vós, porém, não estais na carne, mas no Espírito, se, de fato, o Espírito de Deus habita em vós. E, se alguém não tem o Espírito de Cristo, esse tal não é dele.

9Ní faoi réir na colainne atá sibhse, áfach, ach faoi réir an Spioraid más rud é go bhfuil Spiorad Dé lonnaithe ionaibh. Má tá duine gan Spiorad Chríost aige ní le Críost é.

10 Se, porém, Cristo está em vós, o corpo, na verdade, está morto por causa do pecado, mas o espírito é vida, por causa da justiça.

10Ach má tá Críost ionaibh, más marbh féin bhur gcorp de bharr an pheaca, is beo bhur spiorad de bharr na fíréantachta.

11 Se habita em vós o Espírito daquele que ressuscitou a Jesus dentre os mortos, esse mesmo que ressuscitou a Cristo Jesus dentre os mortos vivificará também o vosso corpo mortal, por meio do seu Espírito, que em vós habita.

11Go deimhin má bhíonn Spiorad an té a thóg Críost ó mhairbh lonnaithe ionaibh, déanfaidh an té sin a thóg Críost ó mhairbh bhur gcorp básmhar a bheoú trína Spiorad atá lonnaithe ionaibh.

Filhos e herdeiros

[12] Assim, pois, irmãos, somos devedores, não à carne como se constrangidos a viver segundo a carne.

[13] Porque, se viverdes segundo a carne, caminhais para a morte; mas, se, pelo Espírito, mortificardes os feitos do corpo, certamente, vivereis.

[14] Pois todos os que são guiados pelo Espírito de Deus são filhos de Deus.

[15] Porque não recebestes o espírito de escravidão, para viverdes, outra vez, atemorizados, mas recebestes o espírito de adoção, baseados no qual clamamos: Aba, Pai.

[16] O próprio Espírito testifica com o nosso espírito que somos filhos de Deus.

[17] Ora, se somos filhos, somos também herdeiros, herdeiros de Deus e co-herdeiros com Cristo; se com ele sofremos, também com ele seremos glorificados.

Os sofrimentos do presente e as glórias do porvir

[18] Porque para mim tenho por certo que os sofrimentos do tempo presente não podem ser comparados com a glória a ser revelada em nós.

[19] A ardente expectativa da criação aguarda a revelação dos filhos de Deus.

[20] Pois a criação está sujeita à vaidade, não voluntariamente, mas por causa daquele que a sujeitou,

[21] na esperança de que a própria criação será redimida do cativeiro da corrupção, para a liberdade da glória dos filhos de Deus.

[12]Ar an ábhar sin, a bhráithre, níl aon cheangal ag an gcolainn orainn go mairfimis dá réir.

[13]Más faoi réir na colainne a mhaireann sibh tá an bás i ndán daoibh; ach má bhásaíonn sibh gníomhartha na colainne le cúnamh an Spioraid, mairfidh sibh beo.

Clann Dé

[14]Mar an mhuintir a mbíonn Spiorad Dé á dtreorú is clann ag Dia iad.

[15]Óir, an spiorad a fuair sibh ní spiorad na daoirse é chun eagla a chur oraibh athuair ach spiorad na clainne trína nglaoimid “Abba! Athair.”

[16]Dearbhaíonn an Spiorad féin dár spioradna gur clann Dé sinn;

[17]agus, más clann sinn, is oidhrí sinn chomh maith, oidhrí Dé agus comhoidhrí le Críost, ós rud é go bhfuilimid páirteach leis ina pháis, le hionchas a bheith páirteach leis ina ghlóir chomh maith.

An Dúlra féin ag Súil le Fuascailt

[18]Measaim nach fiú le háireamh pianta na huaire seo le hais na glóire atá le foilsiú dúinn.

[19]Mar tá an dúlra féin ag tnúth go díocasach le foilsiú chlann Dé.

[20]Cuireadh an dúlra freisin ó rath, ní dá dheoin féin ach mar gheall ar an té úd a chuir ó rath é, ach i ndóchas;

[21]mar fuasclófar an dúlra féin ó dhaoirse na truaillitheachta, chun saoirse ghlórmhar chlann Dé.

[22] Porque sabemos que toda a criação, a um só tempo, geme e suporta angústias até agora.

[23] E não somente ela, mas também nós, que temos as primícias do Espírito, igualmente gememos em nosso íntimo, aguardando a adoção de filhos, a redenção do nosso corpo.

[24] Porque, na esperança, fomos salvos. Ora, esperança que se vê não é esperança; pois o que alguém vê, como o espera?

[25] Mas, se esperamos o que não vemos, com paciência o aguardamos.

A intercessão do Espírito

[26] Também o Espírito, semelhantemente, nos assiste em nossa fraqueza; porque não sabemos orar como convém, mas o mesmo Espírito intercede por nós sobremaneira, com gemidos inexprimíveis.

[27] E aquele que sonda os corações sabe qual é a mente do Espírito, porque segundo a vontade de Deus é que ele intercede pelos santos.

[28] Sabemos que todas as coisas cooperam para o bem daqueles que amam a Deus, daqueles que são chamados segundo o seu propósito.

[29] Porquanto aos que de antemão conheceu, também os predestinou para

[22]Is eol dúinn go ráibh an chruthaíocht go léir le chéile go dtí anois ag cneadach le tinneas mar a bheadh sí ar a leaba luí seoil.

Ár nDóchas Féin

[23]Agus ní hé an dúlra amháin atá amhlaidh ach sinne féin chomh maith; cé go bhfuil céadtorthaí an Spioraid againn cheana féin, táimidne ag cneadach freisin inár gcroí istigh agus sinn ag feitheamh le go ndéanfar clann dínn, agus go mbeidh ár gcorp fuascailte.

[24]Le dóchas a slánaíodh sinn. Ach an dóchas a fheictear ní dóchas é feasta, mar conas a bheadh duine ag tnúth le rud a bheadh ina fhianaise?

[25]Ach ó táimidne ag súil le rud nach bhfeicimid táimid ag feitheamh go foighneach.

[26]Ar an gcuma chéanna tagann an Spiorad i gcabhair orainn inár laige. Mar ní eol dúinn conas an ghuí féin a dhéanamh mar is cóir ach déanann an Spiorad idirghuí ar ár son le hosnaí nach féidir a chur i bhfocail,

[27]agus an té úd a chiorann na croíthe, tuigeann sé cad is áil leis an Spiorad agus gur de réir toil Dé a dhéanann sé achainí ar son na naomh.

[28]Tá a fhios againn chomh maith go gcomhoibríonn Dia san uile ní leo siúd a bhfuil grá acu dó agus a bhfuil glaoite aige orthu de réir a chomhairle.

[29]Mar na daoine a thogh sé roimh ré, cheap sé ó thús iad le bheith ina

serem conformes à imagem de seu Filho, a fim de que ele seja o primogênito entre muitos irmãos.

30 E aos que predestinou, a esses também chamou; e aos que chamou, a esses também justificou; e aos que justificou, a esses também glorificou.

As provas e a certeza do amor de Deus

31 Que diremos, pois, à vista destas coisas? Se Deus é por nós, quem será contra nós?

32 Aquele que não poupou o seu próprio Filho, antes, por todos nós o entregou, porventura, não nos dará graciosamente com ele todas as coisas?

33 Quem intentará acusação contra os eleitos de Deus? É Deus quem os justifica.

34 Quem os condenará? É Cristo Jesus quem morreu ou, antes, quem ressuscitou, o qual está à direita de Deus e também intercede por nós.

35 Quem nos separará do amor de Cristo? Será tribulação, ou angústia, ou perseguição, ou fome, ou nudez, ou perigo, ou espada?

36 Como está escrito: Por amor de ti, somos entregues à morte o dia todo, fomos considerados como ovelhas para o matadouro.

37 Em todas estas coisas, porém, somos mais que vencedores, por meio daquele que nos amou.

38 Porque eu estou bem certo de que nem a morte, nem a vida, nem os anjos, nem os

macasamhla dá Mhac féin sa tslí go mbeadh seisean ina chéadghin ar mhórán bráithre.

30Agus na daoine a bhí ceaptha ó thus aige is iad sin a ghlaoigh sé; agus na daoine a bhí glaoite aige is iad sin a d'fhíréanaigh sé, agus na daoine a bhí fíréanaithe aige, is iad sin a ghlóirigh sé.

Iomann Molta Ghrá Dé

31Cad a déarfaimid faoin méid sin, más ea? Má tá Dia ar ár dtaobh, cé atá inár gcoinne?

32Nuair nár lig sé uaidh a mhac féin ach é a thabhairt suas ar mhaithe linne go léir, cén fáth nach mbronnfaidh sé gach grásta eile orainn ina theannta chomh maith?

33Agus cé a dhéanfaidh lucht tofa Dé a chúisiú?

34Nuair atá Dia dár saoradh, cé a dhéanfaidh ár ndaoradh? An é Críost a dhéanfaidh é, an té a fuair bás agus a tógadh ó mhairbh, atá fós ar dheis Dé agus atá ag idirghuí ar ár son?

35Cé a scarfaidh ó ghrá Chríost sinn? Trioblóid an ea? nó cruatan, nó géarleanúint, nó gorta, nó nochtacht, nó guais, nó an claíomh féin?

36Mar atá scríofa: “Ar do shonsa táimid dár mbású ar feadh an lae; táimid dár meas mar chaoirigh atá réidh lena gcoscairt.”

37Ach sna cúrsaí seo go léir, beirimid an bua go caithréimeach tríd an té úd a thug grá dúinn.

38Mar táim cinnte dearfa de nach bhféadfaidh bás ná beatha, aingil ná

principados, nem as coisas do presente, nem do porvir, nem os poderes,

[39] nem a altura, nem a profundidade, nem qualquer outra criatura poderá separar-nos do amor de Deus, que está em Cristo Jesus, nosso SENHOR.

Romanos 9

Paulo e a incredulidade dos judeus

[1] Digo a verdade em Cristo, não minto, testemunhando comigo, no Espírito Santo, a minha própria consciência:

[2] tenho grande tristeza e incessante dor no coração;

[3] porque eu mesmo desejaria ser anátema, separado de Cristo, por amor de meus irmãos, meus compatriotas, segundo a carne.

[4] São israelitas. Pertence-lhes a adoção e também a glória, as alianças, a legislação, o culto e as promessas;

[5] deles são os patriarcas, e também deles descende o Cristo, segundo a carne, o qual é sobre todos, Deus bendito para todo o sempre. Amém!

A rejeição de Israel não é incompatível com as promessas de Deus

[6] E não pensemos que a palavra de Deus haja falhado, porque nem todos os de Israel são, de fato, israelitas;

[7] nem por serem descendentes de Abraão são todos seus filhos; mas: Em Isaque será chamada a tua descendência.

[8] Isto é, estes filhos de Deus não são propriamente os da carne, mas devem ser

prionsaí ná cumhachtaí, nithe atá ann anois ná nithe atá le teacht,

[39]an domhan thuas ná an domhan thíos, ná dúil chruthaithe ar bith eile sinn a scaradh ó ghrá Dé atá in Íosa Críost ár dTiarna.

Rómhánaigh 9

Pribhléidí Iosrael

[1]Táim ag insint na fírinne i gCríost, agus tá mo choinsias á dhearbhú dom sa Spiorad Naomh, nach aon bhréag dom a rá

[2]go bhfuil dólás mór orm agus arraing gan staonadh i mo chroí.

[3]Níor mhiste liom bheith faoi mhallacht agus dealaithe ó Chríost ar son bhráithre mo chine féin, de réir na colainne.

[4]Iosraelaigh is ea iad; is leosan bheith ina gclann Dé; is leo an ghlóir, na conarthaí, an reacht, an liotúirge agus na gealltanais;

[5]is leo na patrarcaí, agus is díobh an Críost de réir na colainne - an té atá ina Dhia ar an uile ní, moladh go deo leis. Amen.

Dílse Dé

[6]Ní amhlaidh atá teipthe ar bhriathar Dé, mar ní Iosraelach an uile dhuine de shliocht Iosrael,

[7]ná ní clann Abrahám iad uile toisc gur dá shliocht iad. Ní hea sin, ach mar a deir an scrioptúr: “Is trí Íosác a ainmneofar sliocht duit.”

[8]Is é sin le rá, ní hiad clann na feola atá ina gclann Dé; ní áirítear ina shliocht dó

considerados como descendência os filhos da promessa.

[9] Porque a palavra da promessa é esta: Por esse tempo, virei, e Sara terá um filho.

[10] E não ela somente, mas também Rebeca, ao conceber de um só, Isaque, nosso pai.

[11] E ainda não eram os gêmeos nascidos, nem tinham praticado o bem ou o mal (para que o propósito de Deus, quanto à eleição, prevalecesse, não por obras, mas por aquele que chama),

[12] já fora dito a ela: O mais velho será servo do mais moço.

[13] Como está escrito: Amei Jacó, porém me aborreci de Esaú.

A rejeição de Israel não é incompatível com a justiça de Deus

[14] Que diremos, pois? Há injustiça da parte de Deus? De modo nenhum!

[15] Pois ele diz a Moisés: Terei misericórdia de quem me aprouver ter misericórdia e compadecer-me-ei de quem me aprouver ter compaixão.

[16] Assim, pois, não depende de quem quer ou de quem corre, mas de usar Deus a sua misericórdia.

[17] Porque a Escritura diz a Faraó: Para isto mesmo te levantei, para mostrar em ti o meu poder e para que o meu nome seja anunciado por toda a terra.

ach an chlann a rugadh de réir an ghealltanais.

[9]Mar is iad seo focail an ghealltanais: “Tiocfaidh mé um an dtaca seo arís agus beidh mac ag Sárá.”

[10]Agus ní hé sin amháin é ach i gcás Ribeacá freisin: ghabh sise clann ó aon fhear amháin, ónár sinsear Íosác,

[11]ach sular rugadh iad agus sula raibh aon ní olc maith déanta fós acu,

[12]dúradh léi: “Beidh an sinsear ag seirbhís don sóisear,” ionas go mbeadh beartas roghnaithe Dé buan agus nach ag brath ar ghníomhartha daoine a bheadh sé ach ar an té a ghlaonn,

[13]de réir mar atá scríofa: “Thugas grá do Iacób, agus fuath d'Éasau.”

Ní Dhéanann Dia Éagóir ar aon Duine

[14]Cad a déarfaimid mar sin? Go bhfuil éagóir ag baint le Dia, an ea?

[15]Ní hea ar chor ar bith, mar féach cad a dúirt sé le Maois: “Déanfaidh mé trócaire ar mo rogha duine agus déanfaidh mé trua don duine is rogha liom chomh maith.”

[16]Ní rud é, mar sin, atá ag brath ar thoil an duine ná ar a chuid iarrachtaí ach ar thrócaire Dé.

[17]Arís sa scrioptúr deir sé le Forann: “Is chuige seo go díreach a d'ardaigh mé thú chun feidhm a bhaint asat le mo chumhacht a thaispeáint agus m'ainm a fhógairt ar fud an domhain go léir.”

[18] Logo, tem ele misericórdia de quem quer e também endurece a quem lhe apraz.

A soberania de Deus

[19] Tu, porém, me dirás: De que se queixa ele ainda? Pois quem jamais resistiu à sua vontade?

[20] Quem és tu, ó homem, para discutires com Deus?! Porventura, pode o objeto perguntar a quem o fez: Por que me fizeste assim?

[21] Ou não tem o oleiro direito sobre a massa, para do mesmo barro fazer um vaso para honra e outro, para desonra?

[22] Que diremos, pois, se Deus, querendo mostrar a sua ira e dar a conhecer o seu poder, suportou com muita longanimidade os vasos de ira, preparados para a perdição,

[23] a fim de que também desse a conhecer as riquezas da sua glória em vasos de misericórdia, que para glória preparou de antemão,

[24] os quais somos nós, a quem também chamou, não só dentre os judeus, mas também dentre os gentios?

[25] Assim como também diz em Oseias: Chamarei povo meu ao que não era meu povo; e amada, à que não era amada;

[26] e no lugar em que se lhes disse: Vós não sois meu povo, ali mesmo serão chamados filhos do Deus vivo.

[18]Dá réir sin déanann sé trócaire ar an duine is rogha leis agus cruann sé an croí ina rogha duine chomh maith.

[19]Déarfaidh tú liom, ní foláir: “Cad é an gearán atá aige ar dhaoine, más ea, mar cé a fhéadfaidh cur in aghaidh a thola?”

[20]Airiú, cé hé tusa, a dhuine, le bheith tagarthach le Dia? An ndéarfaidh an pota leis an bpotadóir: “Cad ab áil leat mé a dhéanamh mar seo?”

[21]An amhlaidh nach bhfuil d'údarás ag an gcriadóir ar an gcré áras chun onóra agus áras chun neamhonóra a dhéanamh den chnapán céanna?

[22]Agus, nuair ab áil le Dia a chuid feirge a thaispeáint agus a chuid cumhachta a léiriú, má chuir sé suas go fada foighneach leis na hárais a bhí ina ndíol feirge agus iad ar bhealach a mbasctha,

[23]d'fhonn saibhreas a ghlóire a léiriú do na hárais a bhí ina ndíol trócaire agus a bhí ullamh ó thús aige le haghaidh na glóire sin?

[24]Mar is sinne a ghlaoigh sé ní as measc na nGiúdach amháin ach as measc na ngintlithe chomh maith.

An Tuar Faoin Tairngreacht

[25]Mar a deir sé i Leabhar Hóisé: “Glaofaidh mé ‘mo phobal féin’ ar phobal nach liom, Agus ‘mo mhuirnín’ uirthi siúd nach muirneach liom,

[26]Agus san áit a ndúradh leo: Ní aon phobal liomsa sibh, Glaofar clann Dé bheo orthu ansiúd.”

[27] Mas, relativamente a Israel, dele clama Isaías: Ainda que o número dos filhos de Israel seja como a areia do mar, o remanescente é que será salvo.

[28] Porque o SENHOR cumprirá a sua palavra sobre a terra, cabalmente e em breve;

[29] como Isaías já disse: Se o SENHOR dos Exércitos não nos tivesse deixado descendência, ter-nos-íamos tornado como Sodoma e semelhantes a Gomorra.

Israel é responsável pela sua rejeição

[30] Que diremos, pois? Que os gentios, que não buscavam a justificação, vieram a alcançá-la, todavia, a que decorre da fé;

[31] e Israel, que buscava a lei de justiça, não chegou a atingir essa lei.

[32] Por quê? Porque não decorreu da fé, e sim como que das obras. Tropeçaram na pedra de tropeço,

[33] como está escrito: Eis que ponho em Sião uma pedra de tropeço e rocha de escândalo, e aquele que nela crê não será confundido.

Romanos 10

Os judeus rejeitam a justiça de Deus

[1] Irmãos, a boa vontade do meu coração e a minha súplica a Deus a favor deles são para que sejam salvos.

[2] Porque lhes dou testemunho de que eles têm zelo por Deus, porém não com entendimento.

[27]Agus fógraíonn Íseáia faoi Iosrael: “Bíodh clann Iosrael chomh líonmhar le gaineamh na trá, ní shlánófar ach a bhfuíoll,

[28]mar go nglanfaidh an Tiarna an scór leis an tír go hachomair agus go cinnte.”

[29]Agus mar a thairngir Íseáia: “Ach gur fhág Tiarna na slua sliocht againn bheimis ar nós Shodom agus ar chuma Ghomorá.”

[30]Cad a déarfaimid mar sin? An méid seo: na gintlithe nach raibh aon tóir ar fhíréantacht acu, bhain siad amach í, an fhíréantacht a thagann ó chreideamh.

[31]Iosrael, áfach, a bhí ag tóraíocht dlí fíréantachta, níor tháinig siad suas leis an dlí sin.

[32]Agus cad é an fáth? De bhrí nach ar chreideamh a bhí siad ag brath ach ar ghníomhartha. Bhuail siad a gcos faoin gceap tuisle

[33]mar atá scríofa: “Feach, tá ceap tuisle agus carraig oilbhéime á leagan agam i Síón; ach an té a chreideann ann, ní bheidh díomá air.”

Rómhánaigh 10

Níor Thuig na Giúdaigh Fíréantacht Dé

[1]Go deimhin, a bhráithre, is é mian mo chroí é agus mo ghuí chun Dé orthu go slánófaí iad.

[2]Tugaim fianaise orthu go bhfuil díograis acu do Dhia ach nach díograis dea-eolais é.

[3] Porquanto, desconhecendo a justiça de Deus e procurando estabelecer a sua própria, não se sujeitaram à que vem de Deus.

[3]Mar nuair nár aithin siad fíréantacht Dé ach iad ag iarraidh a bhfíréantacht féin a bhunú, níor ghéill siad d'fhíréantacht Dé.

[4] Porque o fim da lei é Cristo, para justiça de todo aquele que crê.

[4]Mar is é Críost buaic an dlí chun fíréantachta don uile dhuine a chreideann ann.

D'fhógair Maois é seo Fadó

[5] Ora, Moisés escreveu que o homem que praticar a justiça decorrente da lei viverá por ela.

[5]Is é a scríobhann Maois faoin bhfíréantacht a thagann ón dlí: “An té a choimhlíonann í, mairfidh sé inti.”

[6] Mas a justiça decorrente da fé assim diz: Não perguntes em teu coração: Quem subirá ao céu?, isto é, para trazer do alto a Cristo;

[6]Ach is é a deir an fhíréantacht a thagann ó chreideamh: Ná habair leat féin: “Cé a rachaidh suas ar neamh?” (is é sin le rá chun Críost a thabhairt anuas);

[7] ou: Quem descerá ao abismo?, isto é, para levantar Cristo dentre os mortos.

[7]nó: “Cé a rachaidh síos sa duibheagán?” (is é sin le rá chun Críost a thabhairt aníos ó mhairbh).

[8] Porém que se diz? A palavra está perto de ti, na tua boca e no teu coração; isto é, a palavra da fé que pregamos.

[8]Ach cad a deir sé? “Tá an briathar i ngar duit, i do bhéal agus i do chroí” (is é sin le rá briathar an chreidimh atáimidne a fhógairt).

[9] Se, com a tua boca, confessares Jesus como SENHOR e, em teu coração, creres que Deus o ressuscitou dentre os mortos, serás salvo.

[9]Mar má adhmhaíonn tú ó do bhéal gurb é Íosa an Tiarna agus má chreideann tú ó do chroí gur thóg Dia ó mbairbh é, slánófar thú.

[10] Porque com o coração se crê para justiça e com a boca se confessa a respeito da salvação.

[10]Is sa chroí a bhíonn an creideamh a fhíréanaíonn agus sa bhéal a bhíonn an admháil a shlánaíonn.

[11] Porquanto a Escritura diz: Todo aquele que nele crê não será confundido.

[11]Agus deir an scrioptúr: “Gach aon duine a chreideann ann ní bheidh díomá air.”

[12] Pois não há distinção entre judeu e grego, uma vez que o mesmo é o SENHOR de todos, rico para com todos os que o invocam.

[12]Mar níl aon dealú idir Giúdach agus Gréagach mar is é an t-aon Tiarna amháin atá orthu go léir agus caitheann sé go flaithiúil lena nglaonn air,

[13] Porque: Todo aquele que invocar o nome do SENHOR será salvo.

[14] Como, porém, invocarão aquele em quem não creram? E como crerão naquele de quem nada ouviram? E como ouvirão, se não há quem pregue?

[15] E como pregarão, se não forem enviados? Como está escrito: Quão formosos são os pés dos que anunciam coisas boas!

Israel não pode alegar falta de oportunidade

[16] Mas nem todos obedeceram ao evangelho; pois Isaías diz: SENHOR, quem acreditou na nossa pregação?

[17] E, assim, a fé vem pela pregação, e a pregação, pela palavra de Cristo.

[18] Mas pergunto: Porventura, não ouviram? Sim, por certo: Por toda a terra se fez ouvir a sua voz, e as suas palavras, até aos confins do mundo.

[19] Pergunto mais: Porventura, não terá chegado isso ao conhecimento de Israel? Moisés já dizia: Eu vos porei em ciúmes com um povo que não é nação, com gente insensata eu vos provocarei à ira.

[20] E Isaías a mais se atreve e diz: Fui achado pelos que não me procuravam, revelei-me aos que não perguntavam por mim.

[21] Quanto a Israel, porém, diz: Todo o dia estendi as mãos a um povo rebelde e contradizente.

[13]“mar gach aon duine a ghlaofaidh ar ainm an Tiarna, slánófar é.”

Níl aon Leithscéal ag Iosrael

[14]Ach conas a ghlaofaidís ar an té nár chreid siad ann? Agus conas a chreidfidís sa te nár chuala siad trácht air? Agus conas a chloisfidís trácht air gan duine á fhógairt dóibh?

[15]Agus conas a dhéanfadh daoine é a fhógairt mura gcuirtear amach iad chuige sin? Mar atá scríofa: “Nach álainn iad cosa lucht fógartha an dea-scéil.”

[16]Ach ní gach aon duine a ghéill don dea-scéal, de réir mar a deir Íseáia: “A Thiarna, cé a chreid ár dteagasc?”

[17]Is ó theagasc a thagann an creideamh, mar sin, agus is trí sheanmóireacht Chríost a thagann an teagasc féin.

[18]Ach ceist agam: An é nár chuala siad an scéala? Chuala go deimhin mar “chuaigh a nglór amach ar fud an domhain go léir agus a mbriathra go himill na cruinne.”

[19]Ceist eile agam: An amhlaidh nár thuig Iosrael an scéal? Ar an gcéad ásc dúirt Maois: “Cuirfidh mé in éad sibh le dream nach pobal agus cuirfidh mé i bhfeirg sibh le cine gan chiall.”

[20]Agus téann Íseáia chomh fada lena rá: “An mhuintir nach raibh do mo lorg, is iad a fuair mé. Agus an mhuintir nach raibh do m'fhiafraí, is dóibh a d'fhoilsigh mé mé féin.”

[21]Ach is é a deir sé faoi Iosrael: “Shíneas mo lámha ar feadh an lae chun pobail atá easumhal ceanndána.”

Romanos 11

O futuro de Israel

[1] Pergunto, pois: terá Deus, porventura, rejeitado o seu povo? De modo nenhum! Porque eu também sou israelita da descendência de Abraão, da tribo de Benjamim.

[2] Deus não rejeitou o seu povo, a quem de antemão conheceu. Ou não sabeis o que a Escritura refere a respeito de Elias, como insta perante Deus contra Israel, dizendo:

[3] SENHOR, mataram os teus profetas, arrasaram os teus altares, e só eu fiquei, e procuram tirar-me a vida.

[4] Que lhe disse, porém, a resposta divina? Reservei para mim sete mil homens, que não dobraram os joelhos diante de Baal.

[5] Assim, pois, também agora, no tempo de hoje, sobrevive um remanescente segundo a eleição da graça.

[6] E, se é pela graça, já não é pelas obras; do contrário, a graça já não é graça.

[7] Que diremos, pois? O que Israel busca, isso não conseguiu; mas a eleição o alcançou; e os mais foram endurecidos,

[8] como está escrito: Deus lhes deu espírito de entorpecimento, olhos para não ver e ouvidos para não ouvir, até ao dia de hoje.

[9] E diz Davi: Torne-se-lhes a mesa em laço e armadilha, em tropeço e punição;

Rómhánaigh 11

An Fuíoll Dílis

[1]Ceist agam mar sin: An bhfuil Dia tar éis a phobal féin a shéanadh? Níl ar chor ar bith. Nach Iosraelach mé féin de shliocht Abrahám agus de threibh Bhiniáimin?

[2]Níor shéan Dia an pobal a bhí aitheanta aige ó thus mar a phobal féin. An é nach eol daoibh cad é a deir an scrioptúr sa trácht úd ag Éilias agus clann Iosrael á gcásamh aige le Dia:

[3]“A Thiarna, mharaigh siad do chuid fáithe, leag siad d'altóirí ar lár, níor fágadh ach mé féin agus tá siad ar thóir m'anama.”

[4]Agus cad é an freagra a thug Dia air? “Choimeád mé dom féin seacht míle fear nár fheac a nglúin do Bhál.”

[5]Is é an dála céanna é san am i láthair: tá fuíoll ann agus iad tofa trí ghrásta.

[6]Agus más trí ghrásta a toghadh iad ní de bharr oibreacha é, mar dá mba ea níor ghrásta an grásta a thuilleadh.

[7]Cad a thagann de sin? Tá, an ní a raibh clann Iosrael ar a thóir, ní fhuair siad é; ach an mhuintir thofa, fuair siad agus cruadh an chuid eile,

[8]mar atá scríofa: “Dhall Dia an aigne iontu: d'fhág sé a súile gan radharc agus a gcluasa gan éisteacht go dtí an lá inniu féin.”

[9]Agus deir Dáiví freisin: “Go raibh a bhféasta ina ghaiste dóibh agus ina líon,

ina cheap tuisle agus ina shás pionóis dóibh.

[10] escureçam-se-lhes os olhos, para que não vejam, e fiquem para sempre encurvadas as suas costas.

[10]Go ndalltar a súile chun nach mbeadh radharc acu, agus coinnigh a ndroim ar cromadh de shíor.”

A rejeição de Israel não é final

[11] Pergunto, pois: porventura, tropeçaram para que caíssem? De modo nenhum! Mas, pela sua transgressão, veio a salvação aos gentios, para pô-los em ciúmes.

[12] Ora, se a transgressão deles redundou em riqueza para o mundo, e o seu abatimento, em riqueza para os gentios, quanto mais a sua plenitude!

[13] Dirijo-me a vós outros, que sois gentios! Visto, pois, que eu sou apóstolo dos gentios, glorifico o meu ministério,

[14] para ver se, de algum modo, posso incitar à emulação os do meu povo e salvar alguns deles.

[15] Porque, se o fato de terem sido eles rejeitados trouxe reconciliação ao mundo, que será o seu restabelecimento, senão vida dentre os mortos?

[16] E, se forem santas as primícias da massa, igualmente o será a sua totalidade; se for santa a raiz, também os ramos o serão.

[17] Se, porém, alguns dos ramos foram quebrados, e tu, sendo oliveira brava, foste enxertado em meio deles e te tornaste participante da raiz e da seiva da oliveira,

Téarnamh Iosrael

[11]Ceist eile agam: An é tuisle a dtreascartha a baineadh as na Giúdaigh? Ní hea ar chor ar bith; ach ba chúis slánaithe do na gintlithe a gcoir ar shlí go mbeadh cúis éada ag na Giúdaigh leo.

[12]Má ba rath ar an domhan a gcoir agus má ba rath ar na gintlithe a meath, nach mó go mór an rath a bheidh ann nuair a thiocfaidh a líon iomlán isteach.

[13]Agus tá rud le rá agam libhse, a ghintlithe: Sa mhéid gurb aspal na ngintlithe mé, is ag méadú m'fheidhmeannais a bheidh mé

[14]le mo chine féin a spreagadh chun iomaíochta agus cuid éigin acu a shlánú.

[15]Mar, má tugadh an domhan chun athmhuintearais trína gcaitheamh amach, cad a thiocfaidh dá nglacadh ar ais ach beatha ó mhairbh?

Pobal Tofa Dé is ea Iosrael i gcónaí

[16]Más naofa céadtoradh an taois, ní taise don chnapán ar fad é; agus más naofa fréamh an chrainn, ní taise do na craobhacha é.

[17]Agus má scoitheadh féin cuid de na craobhacha den chrann olóige agus má nódaíodh thusa, an ológ fhiáin, ina n-áit sa tslí go bhfuil tú páirteach anois i sú na holóige,

[18] não te glories contra os ramos; porém, se te gloriares, sabe que não és tu que sustentas a raiz, mas a raiz, a ti.

[19] Dirás, pois: Alguns ramos foram quebrados, para que eu fosse enxertado.

[20] Bem! Pela sua incredulidade, foram quebrados; tu, porém, mediante a fé, estás firme. Não te ensoberbeças, mas teme.

[21] Porque, se Deus não poupou os ramos naturais, também não te poupará.

[22] Considerai, pois, a bondade e a severidade de Deus: para com os que caíram, severidade; mas, para contigo, a bondade de Deus, se nela permaneceres; doutra sorte, também tu serás cortado.

[23] Eles também, se não permanecerem na incredulidade, serão enxertados; pois Deus é poderoso para os enxertar de novo.

[24] Pois, se foste cortado da que, por natureza, era oliveira brava e, contra a natureza, enxertado em boa oliveira, quanto mais não serão enxertados na sua própria oliveira aqueles que são ramos naturais!

O último desígnio de Deus é misericórdia para com todos

[25] Porque não quero, irmãos, que ignoreis este mistério (para que não sejais presumidos em vós mesmos): que veio

[18]ná bí á mhaíomh sin ar na craobhacha scoite. Ach má tá maíomh le déanamh agat, bí ag maíomh nach tusa atá ag iompar na fréimhe ach gurb í an fhréamh atá do d'iomparsa.

[19]Déarfaidh tú liom ar ndóigh: “Is ea, ach scoitheadh craobhacha den chrann chun mise a nódú ann.”

[20]Tá go maith, ach is mar gheall ar easpa creidimh a scoitheadh iad agus is é do chreideamh atá do do choimeádsa suas. Ná bíodh aon éirí in airde ort, dá bhrí sin, ach eagla.

[21]Más rud é nár lig Dia leis na craobhacha dúchais ní ligfidh sé leatsa ach oiread.

[22]Tabhair do d'aire cineáltas Dé agus a dhéine: a dhéine a bhí sé orthu siúd a thit ar lár agus a chineáltacht atá Dia leatsa - ma leanann tú faoina chineáltas: ach mura leanann, gearrfar thusa anuas chomh maith.

[23]Agus iad siúd, má shéanann siad a ndíchreideamh, nódófar sa chrann arís iad, mar tá sé ar chumas Dé iad a nódú ar ais ann.

[24]Má gearradh tusa den ológ fhiáin ba dhúchas duit is gur nódaíodh in aghaidh nádúir san fhíorológ tú, nach móide go mór go nódófar na craobhacha dúchais ar ais ina n-ológ dhílis féin?

Slánófar Iosrael go hIomlán

[25]Le heagla go mbeadh rómheas agaibh ar bhur gcuid gaoise féin ní áil liom gan fios na rúndiamhaire seo a bheith agaibh, a

endurecimento em parte a Israel, até que haja entrado a plenitude dos gentios.

[26] E, assim, todo o Israel será salvo, como está escrito: Virá de Sião o Libertador e ele apartará de Jacó as impiedades.

[27] Esta é a minha aliança com eles, quando eu tirar os seus pecados.

[28] Quanto ao evangelho, são eles inimigos por vossa causa; quanto, porém, à eleição, amados por causa dos patriarcas;

[29] porque os dons e a vocação de Deus são irrevogáveis.

[30] Porque assim como vós também, outrora, fostes desobedientes a Deus, mas, agora, alcançastes misericórdia, à vista da desobediência deles,

[31] assim também estes, agora, foram desobedientes, para que, igualmente, eles alcancem misericórdia, à vista da que vos foi concedida.

[32] Porque Deus a todos encerrou na desobediência, a fim de usar de misericórdia para com todos.

A maravilhosa sabedoria dos desígnios divinos

[33] Ó profundidade da riqueza, tanto da sabedoria como do conhecimento de Deus! Quão insondáveis são os seus juízos, e quão inescrutáveis, os seus caminhos!

[34] Quem, pois, conheceu a mente do SENHOR? Ou quem foi o seu conselheiro?

bhráithre: Tá cruas croí tagtha ar chuid d'Iosrael, nó go mbeidh iomlán na ngintlithe tagtha isteach

[26]agus, mar sin, slánófar Iosrael ar fad de réir mar atá scríofa: “Tiocfaidh an fuascailteoir as Síón; ruaigfidh sé an éagráifeacht as Iacób.

[27]Agus seo é an conradh a dhéanfaidh mé leo nuair a thógfaidh mé a bpeacaí chun siúil.”

[28]Maidir leis an dea-scéal, is naimhde iad do Dhia - rud a théann chun sochair daoibhse; ach maidir leis an toghadh is ionúin leis iad mar gheall ar na patrarcaí,

[29]mar ní cúis aiféala choíche do Dhia a thíolacthaí ná an rogha a bhíonn déanta aige.

[30]Bhí sibhse tráth easumhal do Dhia ach tá trócaire déanta anois oraibh trína n-easumhlaíochtsan.

[31]Is é an dála céanna acu siúd é: tá siadsan éirithe easumhal anois nuair atá trócaire déanta oraibhse chun go ndéanfaí trócaire orthu chomh maith.

[32]Mar chuir Dia an uile dhuine i ngeibheann san easumhlaíocht d'fhonn trócaire a dhéanamh orthu uile.

Iomann Molta Dé

[33]Cad é doimhneas ollmhaitheasaí agus eagna agus eolas Dé! Nach do-thuigthe atá a bhreithiúnais agus nach dorianta atá a bhealaí!

[34]“Cé a thuig aigne an Tiarna? Nó cé a bhí riamh ina chomhairleoir aige?”

[35] Ou quem primeiro deu a ele para que lhe venha a ser restituído?

[36] Porque dele, e por meio dele, e para ele são todas as coisas. A ele, pois, a glória eternamente. Amém!

Romanos 12

A nova vida

[1] Rogo-vos, pois, irmãos, pelas misericórdias de Deus, que apresenteis o vosso corpo por sacrifício vivo, santo e agradável a Deus, que é o vosso culto racional.

[2] E não vos conformeis com este século, mas transformai-vos pela renovação da vossa mente, para que experimenteis qual seja a boa, agradável e perfeita vontade de Deus.

O devido uso de dons espirituais

[3] Porque, pela graça que me foi dada, digo a cada um dentre vós que não pense de si mesmo além do que convém; antes, pense com moderação, segundo a medida da fé que Deus repartiu a cada um.

[4] Porque assim como num só corpo temos muitos membros, mas nem todos os membros têm a mesma função,

[5] assim também nós, conquanto muitos, somos um só corpo em Cristo e membros uns dos outros,

[6] tendo, porém, diferentes dons segundo a graça que nos foi dada: se profecia, seja segundo a proporção da fé;

[35]Nó "Cé a thug rud riamh dó go bhfaighidh sé a chúiteamh?"

[36]Mar is uaidhsean agus trídsean agus dósan gach uile ní dá bhfuil ann. Glóir go deo leis. Amen.

Rómhánaigh 12

Fíoradhradh Dé

[1]Ar an ábhar sin, a bhráithre, táim á iarraidh oraibh as ucht trócaire Dé, bhur gcoirp a thoirbhirt ina n-íobairt bheo naofa thaitneamhach do Dhia; sin é bhur n-adhradh spioradálta.

[2]Ná leanaigí patrún an tsaoil seo ach cuirigí malairt meoin oraibh féin trí athnuachan aigne ar shlí go n-aithneodh sibh cad é is toil le Dia, cad é atá maith agus taitneamhach agus foirfe.

Is Baill den aon Chorp Sibh

[3]De bhrí an ghrásta a tugadh dom, is é a deirim leis an uile dhuine agaibh gan meas thar ceart a bheith ag aon duine air féin ach é féin a mheas go cothrom de réir tomhas an chreidimh a roinn Dia leis.

[4]Faoi mar atá mórán ball san aon chorp amháin againn agus gan an cúram céanna ar aon bhall díobh,

[5]is é an dála céanna againn féin é: dá líonmhaire atáimid is aon chorp amháin sinn i gCríost agus gach duine againn ina mbaill dá chéile.

[6]Na tíolacthaí atá againn tá siad éagsúil le chéile de réir an ghrásta a tugadh dúinn. Mar sin, an té a fuair bua na fáistine déanadh sé fáistine de réir an chreidimh.

[7] se ministério, dediquemo-nos ao ministério; ou o que ensina esmere-se no fazê-lo;

[8] ou o que exorta faça-o com dedicação; o que contribui, com liberalidade; o que preside, com diligência; quem exerce misericórdia, com alegria.

As virtudes recomendadas

[9] O amor seja sem hipocrisia. Detestai o mal, apegando-vos ao bem.

[10] Amai-vos cordialmente uns aos outros com amor fraternal, preferindo-vos em honra uns aos outros.

[11] No zelo, não sejais remissos; sede fervorosos de espírito, servindo ao SENHOR;

[12] regozijai-vos na esperança, sede pacientes na tribulação, na oração, perseverantes;

[13] compartilhai as necessidades dos santos; praticai a hospitalidade;

[14] abençoai os que vos perseguem, abençoai e não amaldiçoeis.

[15] Alegrai-vos com os que se alegram e chorai com os que choram.

[16] Tende o mesmo sentimento uns para com os outros; em lugar de serdes orgulhosos, condescendei com o que é humilde; não sejais sábios aos vossos próprios olhos.

[17] Não torneis a ninguém mal por mal; esforçai-vos por fazer o bem perante todos os homens;

[7]An té a fuair bua freastail, déanadh sé freastal: bíodh an múinteoir ag múineadh

[8]agus an comhairleoir ag comhairliú; bíodh an t-almsóir go fial, an fear ceannais go dúthrachtach agus an té a thugann lámh chúnta go gealgháireach.

Grá Bráthar

[9]Bíodh bhur ngrá saor ón gcur i gcéill; bíodh fuath agaibh don olc agus cloígí leis an maith.

[10]Bíodh grá bráthar agaibh dá chéile agus tugaigí tús urraime dá chéile;

[11]bígí dúthrachtach gan leisce, ar lasadh leis an Spiorad, agus ag seirbhís don Tiarna.

[12]Bígí suairc le dóchas, seasmhach faoi thrioblóid, ag guí gan staonadh,

[13]ag tabhairt riar a gcáis do na naoimh, agus ag cleachtadh na féile.

[14]Beannaígí bhur ngéarleantóirí - is ea, bíodh an bheannacht agaibh dóibh in áit na mallachta.

[15]Bígí lúcháireach le lucht na lúcháire agus dobrónach le lucht an dobróin.

[16]Bígí báúil le cách agus in ionad a bheith ardnósach déanaigí caidreamh leis na daoine ísle. Ná héirigí teann as bhur gcuid gaoise féin.

[17]Ná himrígí cor in aghaidh an chaim ar aon duine ach an rud uasal a bheith mar aidhm agaibh os comhair an tsaoil.

[18] se possível, quanto depender de vós, tende paz com todos os homens;

[19] não vos vingueis a vós mesmos, amados, mas dai lugar à ira; porque está escrito: A mim me pertence a vingança; eu é que retribuirei, diz o SENHOR.

[20] Pelo contrário, se o teu inimigo tiver fome, dá-lhe de comer; se tiver sede, dá-lhe de beber; porque, fazendo isto, amontoarás brasas vivas sobre a sua cabeça.

[21] Não te deixes vencer do mal, mas vence o mal com o bem.

[18]Más féidir é, chomh fada le bhur ndícheall, mairigí go síochánta le cách uile.

[19]Agus, a mhuintir na páirte, ná hagraigí díoltas ar dhuine ar bith; fágaigí an agairt faoi fhearg Dé de réir mar atá scríofa: "Fúmsa an díoltas," a deir an Tiarna, "mise a chúiteoidh."

[20]Ach "má bhíonn ocras ar do namhaid tabhairse rud le hithe dó, agus má bhíonn tart air tabhair dó rud le hól. Má dhéanann tú amhlaidh beidh tú ag carnadh aibhleoga tine ar a cheann".

[21]Ná faigheadh an t-olc an lámh uachtair ort ach faighse an lámh uachtair ar an olc leis an maith.

Romanos 13

Da obediência às autoridades

[1] Todo homem esteja sujeito às autoridades superiores; porque não há autoridade que não proceda de Deus; e as autoridades que existem foram por ele instituídas.

[2] De modo que aquele que se opõe à autoridade resiste à ordenação de Deus; e os que resistem trarão sobre si mesmos condenação.

[3] Porque os magistrados não são para temor, quando se faz o bem, e sim quando se faz o mal. Queres tu não temer a autoridade? Faze o bem e terás louvor dela,

[4] visto que a autoridade é ministro de Deus para teu bem. Entretanto, se fizeres o mal,

Rómhánaigh 13

Géilleadh don Údarás Saolta

[1]Bíodh gach duine géilliúil do na húdaráis atá os a chionn, mar níl údarás ar bith ann ach ó Dhia; agus na húdaráis atá ann is é Dia a cheap iad.

[2]Aon duine, mar sin, a chuireann in aghaidh an údaráis, is in aghaidh ordú Dé a bhíonn sé ag cur, agus na daoine a chuireann ina aghaidh sin tarraingeoidh siad daorbhreith orthu féin.

[3]Ní don dea-ghníomh is baol na rialtóirí ach don drochghníomh. An áil leat gan eagla fhear an údaráis a bheith ort? Más áil déan an mhaith agus beidh moladh agat uaidh

[4]mar is seirbhíseach Dé é ar mhaithe leat. Ach más é an t-olc a dhéanann tú, bíodh a

teme; porque não é sem motivo que ela traz a espada; pois é ministro de Deus, vingador, para castigar o que pratica o mal.

5 É necessário que lhe estejais sujeitos, não somente por causa do temor da punição, mas também por dever de consciência.

6 Por esse motivo, também pagais tributos, porque são ministros de Deus, atendendo, constantemente, a este serviço.

7 Pagai a todos o que lhes é devido: a quem tributo, tributo; a quem imposto, imposto; a quem respeito, respeito; a quem honra, honra.

O amor ao próximo é o cumprimento da lei

8 A ninguém fiqueis devendo coisa alguma, exceto o amor com que vos ameis uns aos outros; pois quem ama o próximo tem cumprido a lei.

9 Pois isto: Não adulterarás, não matarás, não furtarás, não cobiçarás, e, se há qualquer outro mandamento, tudo nesta palavra se resume: Amarás o teu próximo como a ti mesmo.

10 O amor não pratica o mal contra o próximo; de sorte que o cumprimento da lei é o amor.

O dia está próximo

11 E digo isto a vós outros que conheceis o tempo: já é hora de vos despertardes do sono; porque a nossa salvação está, agora,

eagla ort mar ní gan ábhar a bhíonn an claíomh á iompar aige: is seirbhíseach Dé é chun díoltas a agairt le díbheirg ar an té a dhéanann an t-olc.

5Ar an ábhar sin is éigean géilleadh don údarás agus ní le heagla na díbheirge amháin é ach ar mhaithe leis an gcoinsias chomh maith.

6Is ar an ábhar céanna a íocann sibh cánacha; feidhmeannaigh Dé is ea na bailitheoirí agus caitheann siad a ndúthracht ar an obair seo.

7Íocaigí do chách a bhfuil dlite dó, mar sin: an cháin d'fhear na cánach agus an dleacht d'fhear na dleachta, urraim don té is díol urraime agus ómós don té is díol ómóis.

An Grá

8Ná bíodh fiacha ar bith ag aon duine oraibh ach amháin fiacha an ghrá a thabhairt dá chéile. Mar an té a thugann grá dá chomharsa tá an dlí comhlíonta aige.

9Na haitheanta "ná déan drúise," "ná déan marú," "ná déan goid," "ná santaigh," agus aon aithne eile dá bhfuil ann, tá coimriú déanta orthu go léir san abairt seo: "Gráigh do chomharsa mar thú féin."

10Ní dhéanann an grá aon olc ar an gcomharsa, agus, dá bhrí sin, is é an grá comhlíonadh an dlí.

Clann an tSolais

11Agus de bhrí go dtuigeann sibh an uair atá ann, is mithid daoibh dúiseacht as bhur gcodladh, mar is gaire dúinn ár slánú

mais perto do que quando no princípio cremos.

[12] Vai alta a noite, e vem chegando o dia. Deixemos, pois, as obras das trevas e revistamo-nos das armas da luz.

[13] Andemos dignamente, como em pleno dia, não em orgias e bebedices, não em impudicícias e dissoluções, não em contendas e ciúmes;

[14] mas revesti-vos do SENHOR Jesus Cristo e nada disponhais para a carne no tocante às suas concupiscências.

Romanos 14

A tolerância para com os fracos na fé

[1] Acolhei ao que é débil na fé, não, porém, para discutir opiniões.

[2] Um crê que de tudo pode comer, mas o débil come legumes;

[3] quem come não despreze o que não come; e o que não come não julgue o que come, porque Deus o acolheu.

[4] Quem és tu que julgas o servo alheio? Para o seu próprio senhor está em pé ou cai; mas estará em pé, porque o SENHOR é poderoso para o suster.

[5] Um faz diferença entre dia e dia; outro julga iguais todos os dias. Cada um tenha

anois ná nuair a ghlacamar leis an gcreideamh.

[12]Tá sé i bhfad amach san oíche agus ní fada uainn an lá. Caithimis oibreacha an dorchadais uainn, mar sin, agus cuirimis orainn cathéide an tsolais.

[13]Mairimis go béasach mar dhaoine atá faoi sholas an lae, gan ragairne gan meisce, gan striapachas gan drúise, gan achrann gan éad.

[14]Agus cuirigí oraibh an Tiarna Íosa Críost mar éide agus ná bígí ag déanamh cúraim den cholainn d'fhonn a hainmhianta a shásamh.

Rómhánaigh 14

Comhthuiscint idir an Láidir agus an Lag

[1]Bíodh glacadh agaibh leis an duine atá lag sa chreideamh gan dul ag conspóid leis faoina thuairimí.

[2]Creideann duine amháin nach miste dó gach sórt bia a ithe, ach an duine atá lag sa chreideamh ní itheann sé ach glasraí.

[3]An duine a itheann, ná bíodh drochmheas aige ar an duine nach n-itheann; agus an duine nach n-itheann, ná bíodh sé ag tabhairt breithe ar an duine a itheann, mar go bhfuil glactha ag Dia leis siúd.

[4]Agus cé hé tusa chun breith a thabhairt ar sheirbhíseach duine eile? Seasann sé nó titeann sé i láthair a mháistir féin. Agus is seasamh a dhéanfaidh sé mar tá sé ar chumas an Tiarna é a choimeád ina sheasamh.

[5]Bíonn duine ann agus is rogha leis lá seachas a chéile; duine eile agus is mar a

opinião bem definida em sua própria mente.

[6] Quem distingue entre dia e dia para o SENHOR o faz; e quem come para o SENHOR come, porque dá graças a Deus; e quem não come para o SENHOR não come e dá graças a Deus.

[7] Porque nenhum de nós vive para si mesmo, nem morre para si.

[8] Porque, se vivemos, para o SENHOR vivemos; se morremos, para o SENHOR morremos. Quer, pois, vivamos ou morramos, somos do SENHOR.

[9] Foi precisamente para esse fim que Cristo morreu e ressurgiu: para ser SENHOR tanto de mortos como de vivos.

[10] Tu, porém, por que julgas teu irmão? E tu, por que desprezas o teu? Pois todos compareceremos perante o tribunal de Deus.

[11] Como está escrito: Por minha vida, diz o SENHOR, diante de mim se dobrará todo joelho, e toda língua dará louvores a Deus.

[12] Assim, pois, cada um de nós dará contas de si mesmo a Deus.

A liberdade e a caridade

[13] Não nos julguemos mais uns aos outros; pelo contrário, tomai o propósito de não pordes tropeço ou escândalo ao vosso irmão.

chéile leis gach aon lá. Bíodh gach duine socair faoin gceist ina aigne féin.

[6]An fear a dhéanann lá áirithe a chomóradh, is chun onóra Dé a dhéanann sé é. Agus an fear a chaitheann cineál áirithe bia is chun onóra Dé a chaitheann sé é agus is do Dhia a altaíonn sé. Agus an fear a staonann ó bhia áirithe is chun onóra Dé a staonann sé uaidh, agus is do Dhia a altaíonn seisean chomh maith.

[7]Ní dó féin a mhaireann aon duine againn ná ní dó féin a fhaigheann sé bás.

[8]Má mhairimid beo is don Tiarna a mhairimid, agus más bás a fhaighimid is don Tiarna a fhaighimid bás chomh maith. Cibé acu beo nó marbh dúinn, mar sin, is leis an Tiarna sinn.

[9]Mar is chuige seo a fuair Críost bás agus a d'éirigh beo: chun go mbeadh tiarnas ar bheo agus ar mhairbh araon aige.

[10]Tusa, más ea, cad ab áil leat ag tabhairt breithe ar do bhráthair? Nó tusa, cad ab áil leat drochmheas a bheith ar do bhráthair agat? Mar caithfimid go léir seasamh os comhair suí breithiúnais Dé,

[11]mar tá scríofa: "Dar mo bheo," a deir an Tiarna, "ach go bhfeacfar gach glúin os mo chomhair agus déanfaidh gach teanga admháil do Dhia."

[12]Dá réir sin tabharfaidh gach duine dínn cuntas air féin do Dhia.

Gan Scannal a Thabhairt don Chomharsa

[13]Éirímis as bheith ag tabhairt breithe ar a chéile feasta más ea agus ina ionad sin cuirigí an méid seo romhaibh: gan ceap

tuisle ná titime a chur sa bhealach ar bhráthair.

[14] Eu sei e estou persuadido, no SENHOR Jesus, de que nenhuma coisa é de si mesma impura, salvo para aquele que assim a considera; para esse é impura.

[14]Is eol dom agus táim deimhin de sa Tiarna Íosa nach neamhghlan ní ar bith ann féin; ach má chreideann duine go bhfuil rud neamhghlan is neamhghlan dó sin é.

[15] Se, por causa de comida, o teu irmão se entristece, já não andas segundo o amor fraternal. Por causa da tua comida, não faças perecer aquele a favor de quem Cristo morreu.

[15]Má bhíonn an bia a chaitheann tusa ag goilliúint ar bhráthair leat, níl tú ag maireachtáil feasta de réir an ghrá. An duine a bhfuair Críost bás ar a shon ná mill é leis an mbia a chaitheann tú.

[16] Não seja, pois, vituperado o vosso bem.

[16]Agus ná tarraingítear míchlú ar an maith seo agaibh,

[17] Porque o reino de Deus não é comida nem bebida, mas justiça, e paz, e alegria no Espírito Santo.

[17]mar ní cúrsaí ite agus óil é ríocht Dé ach fíréantacht agus síocháin agus lúcháir sa Spiorad Naomh.

[18] Aquele que deste modo serve a Cristo é agradável a Deus e aprovado pelos homens.

[18]An té a dhéanann seirbhís do Chríost ar an gcuma sin bíonn gean air ag Dia agus gnaoi air ag daoine.

[19] Assim, pois, seguimos as coisas da paz e também as da edificação de uns para com os outros.

[19]Bíodh tóir againn dá réir sin ar an tsíocháin a chothú agus ar bheith ag treisiú le chéile.

[20] Não destruas a obra de Deus por causa da comida. Todas as coisas, na verdade, são limpas, mas é mau para o homem o comer com escândalo.

[20]Ná cuirse obair Dé ar ceal mar gheall ar chúrsaí bia. Tá gach cineál bia glan ann féin ach is olc an mhaise é don duine a mbíonn a n-itheann sé ina chúis tuisle do dhuine eile.

[21] É bom não comer carne, nem beber vinho, nem fazer qualquer outra coisa com que teu irmão venha a tropeçar [ou se ofender ou se enfraquecer].

[21]Séard ab fhearr a dhéanamh gan feoil a ithe ná fíon a ól ná gníomh ar bith a dhéanamh a bheadh ina chúis tuisle (nó scannail nó laige) do bhráthair.

[22] A fé que tens, tem-na para ti mesmo perante Deus. Bem-aventurado é aquele que não se condena naquilo que aprova.

[22]An creideamh atá agat bíodh sé ina threoir duit féin i bhfianaise Dé. Is méanar

don duine nach mbíonn ceist ná amhras air faoin rud a mbíonn a aigne socair air.

[23] Mas aquele que tem dúvidas é condenado se comer, porque o que faz não provém de fé; e tudo o que não provém de fé é pecado.

[23]An duine, áfach, a chaitheann bia agus é idir dhá chomhairle, bíonn sé siúd ciontach toisc nach ó chreideamh é; mar is peaca gach ní nach ó chreideamh.

Romanos 15

A imitação a Cristo. A simpatia e o altruísmo

[1] Ora, nós que somos fortes devemos suportar as debilidades dos fracos e não agradar-nos a nós mesmos.

[2] Portanto, cada um de nós agrade ao próximo no que é bom para edificação.

[3] Porque também Cristo não se agradou a si mesmo; antes, como está escrito: As injúrias dos que te ultrajavam caíram sobre mim.

[4] Pois tudo quanto, outrora, foi escrito para o nosso ensino foi escrito, a fim de que, pela paciência e pela consolação das Escrituras, tenhamos esperança.

[5] Ora, o Deus da paciência e da consolação vos conceda o mesmo sentir de uns para com os outros, segundo Cristo Jesus,

[6] para que concordemente e a uma voz glorifiqueis ao Deus e Pai de nosso SENHOR Jesus Cristo.

[7] Portanto, acolhei-vos uns aos outros, como também Cristo nos acolheu para a glória de Deus.

[8] Digo, pois, que Cristo foi constituído ministro da circuncisão, em prol da

Rómhánaigh 15

Leas na Comharsan

[1]Sinne atá láidir ní mór dúinn cur suas le laigí na bhfann agus gan bheith ar mhaithe linn féin

[2]ach gach duine againn ar mhaithe leis an gcomharsa d'fhonn é a neartú.

[3]Ní ar mhaithe leis féin a bhí Críost ach mar atá scríofa: “Is ormsa a thit aithisí na ndaoine a bhí do d'aithisiú.”

[4]Gach ar scríobhadh fadó is dár dteagascna a scríobhadh é chun go mbeadh an fhoighne agus an sólás atá le fáil sa scrioptúr ina n-ábhar dóchais againn.

[5]Go dtuga Dia na foighne agus an tsóláis daoibhse a bheith báúil le chéile de réir mheon Chríost Íosa

[6]ar shlí go mbeidh sibh d'aontoil agus d'aonghuth ag moladh Dé agus Athair ár dTiarna Íosa Críost.

Aontacht na gCríostaithe

[7]Bíodh glacadh agaibh le chéile, mar sin, mar a ghlac Críost libh féin chun glóire Dé.

[8]Is é atáim a rá gur ar son fírinne Dé a tháinig Críost ag freastal ar lucht an

verdade de Deus, para confirmar as promessas feitas aos nossos pais;

[9] e para que os gentios glorifiquem a Deus por causa da sua misericórdia, como está escrito: Por isso, eu te glorificarei entre os gentios e cantarei louvores ao teu nome.

[10] E também diz: Alegrai-vos, ó gentios, com o seu povo.

[11] E ainda: Louvai ao SENHOR, vós todos os gentios, e todos os povos o louvem.

[12] Também Isaías diz: Haverá a raiz de Jessé, aquele que se levanta para governar os gentios; nele os gentios esperarão.

[13] E o Deus da esperança vos encha de todo o gozo e paz no vosso crer, para que sejais ricos de esperança no poder do Espírito Santo.

A explicação de Paulo

[14] E certo estou, meus irmãos, sim, eu mesmo, a vosso respeito, de que estais possuídos de bondade, cheios de todo o conhecimento, aptos para vos admoestardes uns aos outros.

[15] Entretanto, vos escrevi em parte mais ousadamente, como para vos trazer isto de novo à memória, por causa da graça que me foi outorgada por Deus,

[16] para que eu seja ministro de Cristo Jesus entre os gentios, no sagrado encargo de anunciar o evangelho de Deus, de modo

timpeallghearrtha chun na gealltanais a tugadh do na patrarcaí a dhaingniú

[9]agus san am céanna chun go dtabharfadh na gintlithe glóir do Dhia ar son a thrócaire, mar atá scríofa: “Molfaidh mé thú dá bhrí sin i measc na náisiún, agus canfaidh mé do d'ainm le duan.”

[10]Agus deirtear in áit eile: “Déanaigí gairdeachas, a náisiúna, mar aon lena phobal féin.”

[11]Agus in áit eile fós: “Molaigí an Tiarna, a náisiúna uile agus móradh na pobail go léir é.”

[12]Agus arís, deir Íseáia: “Eascróidh fréamh de chuid Ieise, an té a éireoidh chun na náisiún a rialú. As siúd a bheidh a muinín acu.”

[13]Go ndéana Dia an dóchais sibh a líonadh den áthas agus den tsíocháin uile sa chreideamh ar shlí go mbeidh raidhse den dóchas agaibh trí chumhacht an Spioraid Naoimh.

Misean Phóil

[14]I dtaca libhse, a bhráithre liom, táim féin cinnte go bhfuil sibh lán de dhea-chroí agus go bhfuil fuílleach eolais den uile shórt agaibh agus gur féidir libh comhairle a thabhairt dá chéile.

[15]Is é fáth a bhfuilim ag scríobh chugaibh - agus mé dian go maith oraibh anseo agus ansiúd - chun bhur gcuimhne a mhúscailt, agus táim á dhéanamh mar gheall ar an ngrásta a fuair mé ó Dhia,

[16]bheith i mo mhinistir ag Íosa Críost chun na ngintlithe agus dea-scéal Dé mar chúram sagartúil orm chun go mbeadh na

que a oferta deles seja aceitável, uma vez santificada pelo Espírito Santo.

[17] Tenho, pois, motivo de gloriar-me em Cristo Jesus nas coisas concernentes a Deus.

[18] Porque não ousarei discorrer sobre coisa alguma, senão sobre aquelas que Cristo fez por meu intermédio, para conduzir os gentios à obediência, por palavra e por obras,

[19] por força de sinais e prodígios, pelo poder do Espírito Santo; de maneira que, desde Jerusalém e circunvizinhanças até ao Ilírico, tenho divulgado o evangelho de Cristo,

[20] esforçando-me, deste modo, por pregar o evangelho, não onde Cristo já fora anunciado, para não edificar sobre fundamento alheio;

[21] antes, como está escrito: Hão de vê-lo aqueles que não tiveram notícia dele, e compreendê-lo os que nada tinham ouvido a seu respeito.

Os planos de Paulo

[22] Essa foi a razão por que também, muitas vezes, me senti impedido de visitar-vos.

[23] Mas, agora, não tendo já campo de atividade nestas regiões e desejando há muito visitar-vos,

[24] penso em fazê-lo quando em viagem para a Espanha, pois espero que, de passagem, estarei convosco e que para lá seja por vós encaminhado, depois de

gintlithe ina n-íobairt thaitneamhach dó agus iad coisricthe ag an Spiorad Naomh.

[17]Is ábhar mórtais dom, dá bhrí sin, a bhfuil déanta agam do Dhia in Íosa Críost.

[18]Ní leomhfaidh mé a lua ach a bhfuil déanta ag Críost tríom chun na gintlithe a thabhairt faoina réir le briathar agus le gníomh,

[19]le neart comharthaí agus éachtaí agus le cumhacht an Spioraid Naoimh. Dá réir sin tá dea-scéal Chríost craobhscaoilte go forleathan agam ó Iarúsailéim amach agus mórthimpeall chomh fada le hIlliriocum.

[20]Bhí sé ina phrionsabal agam gan an dea-scéal a fhógairt áit ar bith ach an áit nach raibh trácht ar ainm Íosa cheana, le heagla go mbeinn ag tógáil ar bhonn a bhí leagtha ag duine eile,

[21]ach déanamh mar atá scríofa: “Iad siúd nach bhfuair scéala air, feicfidh siad é agus iad siúd nár chuala trácht air tuigfidh siad.”

Beartúchán Phóil

[22]Sin é an fáth a raibh bac chomh minic sin orm teacht chugaibh.

[23]Ach ós rud é nach bhfuil a thuilleadh slí chun oibre sna críocha seo agam, agus go bhfuilim le blianta fada ag tnúth le dul ar chuairt chugaibh,

[24]nuair a bheidh mé ag dul chun na Spáinne, tá súil agam go bhfeicfidh mé sibh agus mé ar mo bhealach anonn, agus go ndéanfaidh sibhse mé a thionlacan ar

haver primeiro desfrutado um pouco a vossa companhia.

[25] Mas, agora, estou de partida para Jerusalém, a serviço dos santos.

[26] Porque aprouve à Macedônia e à Acaia levantar uma coleta em benefício dos pobres dentre os santos que vivem em Jerusalém.

[27] Isto lhes pareceu bem, e mesmo lhes são devedores; porque, se os gentios têm sido participantes dos valores espirituais dos judeus, devem também servi-los com bens materiais.

[28] Tendo, pois, concluído isto e havendo-lhes consignado este fruto, passando por vós, irei à Espanha.

[29] E bem sei que, ao visitar-vos, irei na plenitude da bênção de Cristo.

Paulo pede as orações

[30] Rogo-vos, pois, irmãos, por nosso SENHOR Jesus Cristo e também pelo amor do Espírito, que luteis juntamente comigo nas orações a Deus a meu favor,

[31] para que eu me veja livre dos rebeldes que vivem na Judéia, e que este meu serviço em Jerusalém seja bem aceito pelos santos;

[32] a fim de que, ao visitar-vos, pela vontade de Deus, chegue à vossa presença com alegria e possa recrear-me convosco.

[33] E o Deus da paz seja com todos vós. Amém!

aghaidh ann, tar éis dom tamall aoibhnis a thabhairt in bhur gcuideachta ar dtús.

[25]I láthair na huaire, áfach, táim ag dul go Iarúsailéim le cabhair do na naoimh.

[26]Thograigh an Mhacadóin agus Acháia bailiúchán airgid a dhéanamh i gcomhair a bhfuil de bhochtáin ar na naoimh in Iarúsailéim.

[27]Ach má tá go ndearna siad, is iad féin atá faoi chomaoin acusan. Mar, má fuair na gintlithe a gcion de mhaoin spioradálta na nGiúdach, ba chóir dóibh fónamh dóibhsean lena maoin shaolta.

[28]Chomh luath agus a bheidh an gnó seo curtha i gcrích agam, agus an fáltas seo seachadta slán faoi shéala dóibh, cuirfidh mé chun siúil bhur mbealachsa go dtí an Spáinn

[29]agus tá a fhios agam go mbeidh flúirse de bheannachtaí Chríost agam daoibh ar mo theacht dom chugaibh.

[30]Táim á iarraidh d'achainí oraibh, a bhráithre, trínár dTiarna Íosa Críost agus trí ghrá an Spioraid Naoimh, cuidiú liom sa choimhlint atá romham le hurnaithe a dhéanamh chun Dé ar mo shon,

[31]go dtiocfaidh mé slán ó dhíchreidmhigh Iúdáia agus go mbeidh na naoimh lánsásta le mo chabhair do Iarúsailéim;

[32]agus le toil Dé tiocfaidh mé chugaibh faoi lúcháir agus ligfidh mé mo scíth in bhur measc.

[33]Dia na síochána libh go léir. Amen.

Romanos 16

Paulo recomenda a Febe

[1] Recomendo-vos a nossa irmã Febe, que está servindo à igreja de Cencréia,

[2] para que a recebais no SENHOR como convém aos santos e a ajudeis em tudo que de vós vier a precisar; porque tem sido protetora de muitos e de mim inclusive.

As saudações pessoais

[3] Saudai Priscila e Áqüila, meus cooperadores em Cristo Jesus,

[4] os quais pela minha vida arriscaram a sua própria cabeça; e isto lhes agradeço, não somente eu, mas também todas as igrejas dos gentios;

[5] saudai igualmente a igreja que se reúne na casa deles. Saudai meu querido Epêneto, primícias da Ásia para Cristo.

[6] Saudai Maria, que muito trabalhou por vós.

[7] Saudai Andrônico e Júnias, meus parentes e companheiros de prisão, os quais são notáveis entre os apóstolos e estavam em Cristo antes de mim.

[8] Saudai Amplíato, meu dileto amigo no SENHOR.

[9] Saudai Urbano, que é nosso cooperador em Cristo, e também meu amado Estáquis.

[10] Saudai Apeles, aprovado em Cristo. Saudai os da casa de Aristóbulo.

Rómhánaigh 16

Beannachtaí Éagsúla

[1]Fágaim cúram ár siúrach Féibé oraibh. Feidhmeannach san eaglais i gCeinchré is ea í.

[2]Fáiltígí roimpi ar son an Tiarna mar is dual do na naoimh agus cuidigí léi in aon ní a mbeidh gá aici libh: mar is iomaí duine ar sheas sí leis agus liom féin chomh maith.

[3]Beannaígí do mo chomhoibrithe in Íosa Críost, do Phriosca agus d'Acula,

[4]a chuir a gceann i mbaol ar son m'anamasa; agus ní mise amháin atá buíoch díobh ach eaglaisí uile na ngintlithe chomh maith.

[5]Beannaígí freisin don eaglais ina dteachsan. Beannaígí do mo chara ionúin, Eapaenatas, an chéad duine san Áise a ghabh le Críost.

[6]Beannaígí do Mháire, bean a shaothraigh go dian in bhur measc.

[7]Beannaígí d'Andronacas agus do Iúinias, comhthírigh agus comhchimí liom féin, a bhfuil iomrá orthu i measc na n-aspal agus a bhí i gCríost romhamsa.

[8]Beannaígí d'Aimpliatas, mo chara ionúin sa Tiarna.

[9]Beannaígí d'Urbán ár gcomhoibrí i seirbhís Chríost, agus do mo chara ionúin Stáchas.

[10]Beannaígí don Chríostaí tofa úd, Apallaes, agus do theaghlach Airiostobúlas.

[11] Saudai meu parente Herodião. Saudai os da casa de Narciso, que estão no SENHOR.

[12] Saudai Trifena e Trifosa, as quais trabalhavam no SENHOR. Saudai a estimada Pérside, que também muito trabalhou no SENHOR.

[13] Saudai Rufo, eleito no SENHOR, e igualmente a sua mãe, que também tem sido mãe para mim.

[14] Saudai Asíncrito, Flegonte, Hermes, Pátrobas, Hermas e os irmãos que se reúnem com eles.

[15] Saudai Filólogo, Júlia, Nereu e sua irmã, Olimpas e todos os santos que se reúnem com eles.

[16] Saudai-vos uns aos outros com ósculo santo. Todas as igrejas de Cristo vos saúdam.

As admoestações

[17] Rogo-vos, irmãos, que noteis bem aqueles que provocam divisões e escândalos, em desacordo com a doutrina que aprendestes; afastai-vos deles,

[18] porque esses tais não servem a Cristo, nosso SENHOR, e sim a seu próprio ventre; e, com suaves palavras e lisonjas, enganam o coração dos incautos.

[19] Pois a vossa obediência é conhecida por todos; por isso, me alegro a vosso respeito; e quero que sejais sábios para o bem e símplices para o mal.

[11]Beannaígí do mo chomhthíreach, Héaróidión, agus dá bhfuil de Chríostaithe i dteaghlach Nairciseas.

[12]Beannaígí do Thrufaena agus do Thrufósa, beirt atá ag saothrú ar son an Tiarna. Beannaígí do Pheirsis ionúin, bean a shaothraigh go dian ar son an Tiarna.

[13]Beannaígí do Rúfas atá tofa sa Tiarna, agus dá mháthair, bean ar máthair domsa leis í.

[14]Beannaígí d'Aisincriteam, d'Fhleagón, do Heirméas, do Phatrobás, do Hearmás, agus do na bhráithre ina dteannta;

[15]d'Fhiolólagas, do Iúilia, do Néireas agus dá dheirfiúr; d'Olumpás, agus do na naoimh go léir ina dteannta.

[16]Beannaígí dá chéile le póg naofa. Cuireann eaglaisí uile Chríost a mbeannacht chugaibh.

Rabhadh

[17]Achainím oraibh, a bhráithre, súil a choimeád orthu sin a adhnann achrainn agus a dhéanann deacrachtaí in éadan an teagaisc a múineadh daoibh. Seachnaígí iad,

[18]mar ní do Chríost ár dTiarna atá a leithéidí sin ag fónamh ach dá gcraos féin agus meallann siad croí na neamhurchóideach lena gcuid bladair agus plámáis.

[19]Rud eile, tá a fhios ag an saol a dhílseacht atá sibh, agus is mé atá ríméadach asaibh. Mar sin féin ba mhaith liom sibh a bheith eolgaiseach ar an maith agus dall ar an olc.

[20] E o Deus da paz, em breve, esmagará debaixo dos vossos pés a Satanás. A graça de nosso SENHOR Jesus seja convosco.

As saudações dos companheiros

[21] Saúda-vos Timóteo, meu cooperador, e Lúcio, Jasom e Sosípatro, meus parentes.

[22] Eu, Tércio, que escrevi esta epístola, vos saúdo no SENHOR.

[23] Saúda-vos Gaio, meu hospedeiro e de toda a igreja. Saúda-vos Erasto, tesoureiro da cidade, e o irmão Quarto.

[24] [A graça de nosso SENHOR Jesus Cristo seja com todos vós. Amém!]

A doxologia

[25] Ora, àquele que é poderoso para vos confirmar segundo o meu evangelho e a pregação de Jesus Cristo, conforme a revelação do mistério guardado em silêncio nos tempos eternos,

[26] e que, agora, se tornou manifesto e foi dado a conhecer por meio das Escrituras proféticas, segundo o mandamento do Deus eterno, para a obediência por fé, entre todas as nações,

[27] ao Deus único e sábio seja dada glória, por meio de Jesus Cristo, pelos séculos dos séculos. Amém!

[20]Agus déanfaidh Dia na síochána Sátan a bhrú faoi bhur gcosa gan mhoill. Grásta ár dTiarna Íosa Críost go raibh agaibh.

Beannachtaí Breise

[21]Cuireann mo chomhoibrí, Tiomóid, a bheannacht chugaibh, agus mo chomhthírigh, Lúicias agus Iasón agus Sóspatras.

[22]Agus cuirimse, Teirt, an té a scríobh síos an litir seo, mo bheannacht chugaibh sa Tiarna chomh maith.

[23]Beannacht chugáibh ó Gháias, fear an tí seo atá ina dhea-thíosach don eaglais go léir; beannacht ó Earastas, cisteoir na cathrach, agus ón mbráthair Cuartas.

[24](Grásta ár dTiarna Íosa Críost go raibh agaibh go léir.)

Moladh go deo le Dia

[25]Moladh leis an té úd atá in ann sibh a dhaingniú de réir an dea-scéil a chraobhscaoilimse, agus an fhorógra faoi Íosa Críost, an dea-scéal ina bhfoilsítear an rúndiamhair a bhí folaithe ar feadh na gcianta

[26]ach atá nochta anois agus curtha in iúl, ar ordú an Dé shíoraí le cabhair scríbhinní na bhfáithe, do na náisiúin uile d'fhonn iad a thabhairt chun géillsine an chreidimh.

[27]Moladh le Dia, an t-aon Dia eagnaí, trí Íosa Críost le saol na saol. Amen.

Primeira epístola de Paulo aos Coríntios

1 Coríntios 1

Prefácio e saudação

1 Paulo, chamado pela vontade de Deus para ser apóstolo de Jesus Cristo, e o irmão Sóstenes,

2 à igreja de Deus que está em Corinto, aos santificados em Cristo Jesus, chamados para ser santos, com todos os que em todo lugar invocam o nome de nosso SENHOR Jesus Cristo, SENHOR deles e nosso:

3 graça a vós outros e paz, da parte de Deus, nosso Pai, e do SENHOR Jesus Cristo.

Ação de graças

4 Sempre dou graças a [meu] Deus a vosso respeito, a propósito da sua graça, que vos foi dada em Cristo Jesus;

5 porque, em tudo, fostes enriquecidos nele, em toda a palavra e em todo o conhecimento;

6 assim como o testemunho de Cristo tem sido confirmado em vós,

7 de maneira que não vos falte nenhum dom, aguardando vós a revelação de nosso SENHOR Jesus Cristo,

8 o qual também vos confirmará até ao fim, para serdes irrepreensíveis no Dia de nosso SENHOR Jesus Cristo.

9 Fiel é Deus, pelo qual fostes chamados à comunhão de seu Filho Jesus Cristo, nosso SENHOR.

Exortação à unidade

1 Corantaigh

1 Corantaigh 1

Beannú

1Mise Pól, a bhfuil glaoite air de dheoin Dé chun bheith ina aspal ag Íosa Críost, agus an bráthair Sóstainéas in éineacht liom,

2chuig eaglais Dé i gCorant, chucu sin atá coisricthe in Íosa Críost agus a bhfuil glaoite ina naoimh orthu mar aon leis an uile dhuine a ghlaonn i ngach áit ar ainm ár dTiarna Íosa Críost, an té is Tiarna orainne agus orthusan:

3grásta chugaibh agus síocháin ó Dhia ár nAthair agus ón Tiarna Íosa Críost.

Buíochas

4Bím ag síorghabháil buíochais le Dia ar bhur son as an ngrásta atá bronnta aige oraibh in Íosa Críost.

5Mar tá raidhse den uile shórt faighte agaibh ann: raidhse den urlabhra agus raidhse den eolas.

6Tá an fhianaise ar Chríost dulta chomh daingean sin i bhfeidhm oraibh

7nach bhfuil tabhartas ar bith in easnamh oraibh fad atá sibh ag feitheamh lenár dTiarna Íosa Críost a nochtadh chugaibh.

8Coimeádfaidh seisean daingean sibh go deireadh na dála, gan cháim lá ár dTiarna Íosa Críost.

9Tá Dia dílis agus is é a ghlaoigh oraibh chun bheith rannpháirteach lena Mhac, ár dTiarna Íosa Críost.

Easaontas san Eaglais i gCorant

[10] Rogo-vos, irmãos, pelo nome de nosso SENHOR Jesus Cristo, que faleis todos a mesma coisa e que não haja entre vós divisões; antes, sejais inteiramente unidos, na mesma disposição mental e no mesmo parecer.

[11] Pois a vosso respeito, meus irmãos, fui informado, pelos da casa de Cloe, de que há contendas entre vós.

[12] Refiro-me ao fato de cada um de vós dizer: Eu sou de Paulo, e eu, de Apolo, e eu, de Cefas, e eu, de Cristo.

[13] Acaso, Cristo está dividido? Foi Paulo crucificado em favor de vós ou fostes, porventura, batizados em nome de Paulo?

[14] Dou graças [a Deus] porque a nenhum de vós batizei, exceto Crispo e Gaio;

[15] para que ninguém diga que fostes batizados em meu nome.

[16] Batizei também a casa de Estéfanas; além destes, não me lembro se batizei algum outro.

[17] Porque não me enviou Cristo para batizar, mas para pregar o evangelho; não com sabedoria de palavra, para que se não anule a cruz de Cristo.

A mensagem da cruz

[18] Certamente, a palavra da cruz é loucura para os que se perdem, mas para nós, que somos salvos, poder de Deus.

[10]Impím oraibh, a bhráithre, in ainm ár dTiarna Íosa Críost, sibh go léir a bheith ar aon fhocal agus gan aon siosmaí a bheith eadraibh, ach sibh a bheith dlúite le chéile ar aon aigne agus ar aon intinn.

[11]Mar tá sé curtha ar mo shúile dom ag muintir Chlóé, a bhráithre, go mbíonn sibh in achrann le chéile.

[12]Is é atá i gceist agam go mbíonn gach duine agaibh á rá: “leanaimse Pól,” nó “leanaimse Apollós,” nó “leanaimse Céafas,” nó “leanaimse Críost.”

[13]An amhlaidh atá Críost roinnte ina choda? An é Pól a céasadh ar an gcrois ar bhur son? An in ainm Phóil a baisteadh sibh?

[14]Buíochas le Dia nár bhaist mise duine ar bith agaibh ach amháin Criospas agus Gáias.

[15]Ní bheidh sé le rá ag aon duine, mar sin, gurb i m'ainmse a baisteadh sibh.

[16]Sea, bhaist mé teaghlach Stiofáin chomh maith ach thairis sin ní eol dom gur bhaist mé duine ar bith eile.

[17]Mar ní ag baisteadh a chuir Críost uaidh mé ach ag fógairt an dea-scéil agus é a dhéanamh gan dul i muinín eagna urlabhra ar eagla cros Chríost a choilleadh.

Is é Críost Cumhacht agus Eagna Dé

[18]Scéal seo na croise, is díth céille é dar leo sin atá ar bhealach a millte, ach is é cumhacht Dé é dar linne atá ar bhealach ár slánaithe.

[19] Pois está escrito: Destruirei a sabedoria dos sábios e aniquilarei a inteligência dos instruídos.

[20] Onde está o sábio? Onde, o escriba? Onde, o inquiridor deste século? Porventura, não tornou Deus louca a sabedoria do mundo?

[21] Visto como, na sabedoria de Deus, o mundo não o conheceu por sua própria sabedoria, aprouve a Deus salvar os que crêem pela loucura da pregação.

[22] Porque tanto os judeus pedem sinais, como os gregos buscam sabedoria;

[23] mas nós pregamos a Cristo crucificado, escândalo para os judeus, loucura para os gentios;

[24] mas para os que foram chamados, tanto judeus como gregos, pregamos a Cristo, poder de Deus e sabedoria de Deus.

[25] Porque a loucura de Deus é mais sábia do que os homens; e a fraqueza de Deus é mais forte do que os homens.

A vocação dos santos

[26] Irmãos, reparai, pois, na vossa vocação; visto que não foram chamados muitos sábios segundo a carne, nem muitos poderosos, nem muitos de nobre nascimento;

[27] pelo contrário, Deus escolheu as coisas loucas do mundo para envergonhar os sábios e escolheu as coisas fracas do mundo para envergonhar as fortes;

[19]Mar tá scríofa: "Cuirfidh mé eagna lucht na heagna ar neamhní; cuirfidh mé éirim lucht na héirime ar leataobh."

[20]Cá bhfuil an t-eagnaí? Cá bhfuil an fear léinn? Cá bhfuil aighneasóir na haoise seo? Nach bhfuil Dia tar éis díth céille a dhéanamh d'eagna an tsaoil?

[21]Nuair nár éirigh leis an saol, trína chuid eagna, aithne a chur ar Dhia, thograigh Dia as a chuid eagna féin na creidmhigh a shlánú trí dhíth céille an fhorógra seo againne.

[22]Bíonn na Giúdaigh ag iarraidh "comharthaí" agus na Gréagaigh ag iarraidh "eagna,"

[23]ach níl againne á fhógairt ach Críost a céasadh. Col a ghlacann na Giúdaigh leis sin agus is díth céille é dar leis na gintlithe;

[24]ach dóibh siúd a bhfuil glaoite orthu, idir Ghiúdaigh agus Ghréagaigh, is é Críost cumhacht Dé agus eagna Dé é.

[25]Mar is críonna díth céille Dé ná eagna dhaoine agus is treise laige Dé ná an duine.

[26]Breathnaígí ar bhur nglao, a bhráithre, agus a laghad agaibh a bhí eagnaí de réir chaighdeán an tsaoil, ná ceannasach ná uasal.

[27]Ach thogh Dia nithe díchéillí an tsaoil chun lucht na heagna a náiriú. Thogh Dia nithe laga an tsaoil chun na nithe láidre a náiriú.

[28] e Deus escolheu as coisas humildes do mundo, e as desprezadas, e aquelas que não são, para reduzir a nada as que são;

[28]Thogh Dia nithe uirísle agus nithe suaracha an tsaoil agus nithe nach bhfuil ann chun na nithe atá ann a chur ar neamhní,

[29] a fim de que ninguém se vanglorie na presença de Deus.

[29]ionas nach ndéanfadh daonnaí ar bith maíomh i bhfianaise Dé.

Valores de Cristo

[30] Mas vós sois dele, em Cristo Jesus, o qual se nos tornou, da parte de Deus, sabedoria, e justiça, e santificação, e redenção,

[30]Eisean a bheir daoibhse bheith in Íosa Críost an té a ndearna Dia eagna de dúinne, agus fíréantacht agus naofacht agus fuascailt.

[31] para que, como está escrito: Aquele que se gloria, glorie-se no SENHOR.

[31]Dá réir sin, mar atá scríofa: “An té a bhfuil mórtas air, bíodh a mhórtas as an Tiarna aige.”

1 Coríntios 2

1 Corantaigh 2

O caráter da pregação de Paulo

Críost na Croise

[1] Eu, irmãos, quando fui ter convosco, anunciando-vos o testemunho de Deus, não o fiz com ostentação de linguagem ou de sabedoria.

[1]I dtaca liomsa, a bhráithre, nuair a tháinig mé chugaibh, níor tháinig mé ag fógairt [rúndiamhair] Dé le hardnós cainte ná eagna.

[2] Porque decidi nada saber entre vós, senão a Jesus Cristo e este crucificado.

[2]Shocraigh mé i m'aigne fad a bheinn in bhur measc gan aon ní eile a aithint ach Íosa Críost agus eisean arna chéasadh.

[3] E foi em fraqueza, temor e grande tremor que eu estive entre vós.

[3]Is mé a bhí go lagbhríoch in bhur measc agus mé lán d'uamhan agus d'eagla.

[4] A minha palavra e a minha pregação não consistiram em linguagem persuasiva de sabedoria, mas em demonstração do Espírito e de poder,

[4]Agus ní ar bhriathra mealltacha na heagna daonna a bhí mo scéal agus m'fhógra ag brath ach ar fhoilsiú an Spioraid agus na cumhachta,

[5] para que a vossa fé não se apoiasse em sabedoria humana, e sim no poder de Deus.

[5]i dtreo nach ar eagna dhaonna a bheadh bhur gcreideamhsa bunaithe ach ar chumhacht Dé.

A verdadeira sabedoria. O ensino do Espírito Santo

An Eagna Dhiaga

[6] Entretanto, expomos sabedoria entre os experimentados; não, porém, a sabedoria

[6]Ach labhraimidne eagna i measc na muintire atá tagtha in inmhe, ach ní hí

deste século, nem a dos poderosos desta época, que se reduzem a nada;

eagna an tsaoil seo í ná eagna lucht ceannais an tsaoil seo, dream atá ag imeacht as.

7 mas falamos a sabedoria de Deus em mistério, outrora oculta, a qual Deus preordenou desde a eternidade para a nossa glória;

7Is í eagna rúnda Dé atá i gceist againne, an eagna a bhí folaithe ó dhaoine ach a bhí ceaptha ag Dia roimh thús aimsire chun glóir a thabhairt dúinne.

8 sabedoria essa que nenhum dos poderosos deste século conheceu; porque, se a tivessem conhecido, jamais teriam crucificado o SENHOR da glória;

8Ní raibh fios na heagna seo ag duine ar bith de cheannairí an tsaoil seo mar dá mbeadh a fhios acu í ní chéasfaidís Tiarna na glóire ar an gcrois.

9 mas, como está escrito: Nem olhos viram, nem ouvidos ouviram, nem jamais penetrou em coração humano o que Deus tem preparado para aqueles que o amam.

9Mar atá scríofa: “Nithe nach bhfaca súil iad agus nár chuala cluas iad, nithe nár smaoinigh an duine orthu ina aigne, is iad atá ullamh ag Dia dóibh siúd a bheir grá dó.”

10 Mas Deus no-lo revelou pelo Espírito; porque o Espírito a todas as coisas perscruta, até mesmo as profundezas de Deus.

10Is dúinne a nocht Dia [na nithe seo] le cabhair an Spioraid. Scrúdaíonn an Spiorad gach uile ní, fiú duibheagáin Dé féin.

11 Porque qual dos homens sabe as coisas do homem, senão o seu próprio espírito, que nele está? Assim, também as coisas de Deus, ninguém as conhece, senão o Espírito de Deus.

11Cé a thuigeann cúrsaí an duine ach spiorad an duine féin istigh ann? Ar an gcuma chéanna níl aon duine a thuigeann cúrsaí Dé ach Spiorad Dé.

12 Ora, nós não temos recebido o espírito do mundo, e sim o Espírito que vem de Deus, para que conheçamos o que por Deus nos foi dado gratuitamente.

12Ní hé spiorad an tsaoil seo atá faighte againne ach an Spiorad a sheol Dia chun go dtuigfimis na nithe atá bronnta orainn ag Dia.

13 Disto também falamos, não em palavras ensinadas pela sabedoria humana, mas ensinadas pelo Espírito, conferindo coisas espirituais com espirituais.

13Agus ní i mbriathra na heagna daonna a chuirimid síos ar na nithe sin ach i mbriathra a mhúin an Spiorad dúinn nuair a bhímid ag míniú cúrsaí an spioraid dóibh siúd a bhfuil an Spiorad iontu.

[14] Ora, o homem natural não aceita as coisas do Espírito de Deus, porque lhe são loucura; e não pode entendê-las, porque elas se discernem espiritualmente.

[15] Porém o homem espiritual julga todas as coisas, mas ele mesmo não é julgado por ninguém.

[16] Pois quem conheceu a mente do SENHOR, que o possa instruir? Nós, porém, temos a mente de Cristo.

[14]An duine nádúrtha, ní ghlacann sé leis na nithe a bhaineann le Spiorad Dé; is díth céille leis iad agus ní féidir dó iad a thuiscint mar is de réir an Spioraid nach foláir iad a mheas.

[15]Ach an duine spioradálta, féadann seisean gach ní a mheas ach ní féidir d'aon duine eisean a mheas.

[16]Óir "cé a thuigeann aigne an Tiarna? Nó cé a thabharfaidh comhairle dó?" Tá aigne Chríost againne, áfach.

1 Coríntios 3

As dissensões demonstram a falta de espiritualidade

[1] Eu, porém, irmãos, não vos pude falar como a espirituais, e sim como a carnais, como a crianças em Cristo.

[2] Leite vos dei a beber, não vos dei alimento sólido; porque ainda não podíeis suportá-lo. Nem ainda agora podeis, porque ainda sois carnais.

[3] Porquanto, havendo entre vós ciúmes e contendas, não é assim que sois carnais e andais segundo o homem?

[4] Quando, pois, alguém diz: Eu sou de Paulo, e outro: Eu, de Apolo, não é evidente que andais segundo os homens?

[5] Quem é Apolo? E quem é Paulo? Servos por meio de quem crestes, e isto conforme o SENHOR concedeu a cada um.

[6] Eu plantei, Apolo regou; mas o crescimento veio de Deus.

1 Corantaigh 3

Comhoibrithe Dé

[1]I dtaca liom féin de, a bhráithre, níorbh fhéidir dom labhairt libh mar dhaoine spioradálta ach mar dhaoine collaí, mar naíonáin i gCríost.

[2]Is bainne a thug mé daoibh le hól in áit an bhia thirim toisc nach raibh sibh in inmhe; go deimhin níl sibh in inmhe fós féin

[3]de bhrí go bhfuil sibh collaí go fóill. Fad atá éad agus achrann eadraibh nach daoine collaí atá ionaibh agus sibh do bhur n-iompar féin de réir ghnás an tsaoil?

[4]Nuair a bhíonn "leanaimse Pól" ag duine agus "leanaimse Apollós" ag duine eile nach de ghnáthmhuintir an tsaoil sibh?

[5]Céard é Apollós nó céard é Pól? Níl iontu ach na seirbhísigh trínar chreid sibh, gach duine acu mar a dháil an Tiarna air:

[6]mise a chuir an síol, Apollós a chuir an t-uisce leis ach is é Dia a chuir ag fás é.

[7] De modo que nem o que planta é alguma coisa, nem o que rega, mas Deus, que dá o crescimento.
[8] Ora, o que planta e o que rega são um; e cada um receberá o seu galardão, segundo o seu próprio trabalho.
[9] Porque de Deus somos cooperadores; lavoura de Deus, edifício de Deus sois vós.

A responsabilidade dos que ensinam

[10] Segundo a graça de Deus que me foi dada, lancei o fundamento como prudente construtor; e outro edifica sobre ele. Porém cada um veja como edifica.

[11] Porque ninguém pode lançar outro fundamento, além do que foi posto, o qual é Jesus Cristo.

[12] Contudo, se o que alguém edifica sobre o fundamento é ouro, prata, pedras preciosas, madeira, feno, palha,
[13] manifesta se tornará a obra de cada um; pois o Dia a demonstrará, porque está sendo revelada pelo fogo; e qual seja a obra de cada um o próprio fogo o provará.
[14] Se permanecer a obra de alguém que sobre o fundamento edificou, esse receberá galardão;
[15] se a obra de alguém se queimar, sofrerá ele dano; mas esse mesmo será salvo, todavia, como que através do fogo.

[16] Não sabeis que sois santuário de Deus e que o Espírito de Deus habita em vós?

[7]Ní hiad an síoladóir, mar sin, ná an t-uiscitheoir, ar fiú iad aon ní ach Dia amháin, a chuireann an síol ag fás.
[8]Is é an dá mhar a chéile iad an síoladóir agus an t-uiscitheoir ach cúiteofar a shaothar féin le gach duine acu.
[9]Comhoibrithe le Dia atá ionainne agus gort Dé, foirgneamh Dé, is ea sibhse.

[10]De réir an ghrásta a thug Dia dom, leag mise an bhunsraith mar a dhéanfadh an t-ardsaor oilte agus fear eile atá ag tógáil uirthi. Faireadh gach duine a chuid tógála féin áfach,
[11]mar ní féidir d'aon duine bunsraith eile a leagan ach an ceann atá thíos cheana féin, agus is é Íosa Críost an bhunsraith sin.
[12]Cibé duine a dhéanfaidh tógáil ar an mbunsraith sin, úsáideadh sé ór, airgead nó clocha lómhara, adhmad, féar nó tuí,
[13]beidh saothar cách soiléir le feiceáil; mar nochtfaidh an Lá é; mar nochtfar é sa lasair agus tástálfaidh an lasair cén sort oibre a bheidh déanta ag cách.

[14]Má sheasann saothar tógála duine an triail, gheobhaidh sé a thuarastal;

[15]ach má loisctear saothar duine, fágfar gan díol é; tiocfaidh sé féin slán, áfach, mar dhuine a bheadh gafa trí thine.
[16]Nach dtuigeann sibh, a bhráithre, gur teampall Dé sibh agus go bhfuil Spiorad Dé ina chónaí ionaibh.

[17] Se alguém destruir o santuário de Deus, Deus o destruirá; porque o santuário de Deus, que sois vós, é sagrado.

A sabedoria humana sem valor

[18] Ninguém se engane a si mesmo: se alguém dentre vós se tem por sábio neste século, faça-se estulto para se tornar sábio.

[19] Porque a sabedoria deste mundo é loucura diante de Deus; porquanto está escrito: Ele apanha os sábios na própria astúcia deles.

[20] E outra vez: O SENHOR conhece os pensamentos dos sábios, que são pensamentos vãos.

[21] Portanto, ninguém se glorie nos homens; porque tudo é vosso:

[22] seja Paulo, seja Apolo, seja Cefas, seja o mundo, seja a vida, seja a morte, sejam as coisas presentes, sejam as futuras, tudo é vosso,

[23] e vós, de Cristo, e Cristo, de Deus.

1 Coríntios 4

Os pregadores responsáveis a Deus

[1] Assim, pois, importa que os homens nos considerem como ministros de Cristo e despenseiros dos mistérios de Deus.

[2] Ora, além disso, o que se requer dos despenseiros é que cada um deles seja encontrado fiel.

[17]Duine ar bith a mhilleann teampall Dé, millfidh Dia eisean, mar is naofa é teampall Dé - agus is sibhse an teampall sin.

[18]Ná bíodh aon dul amú ar aon duine; aon duine agaibh a áiríonn é féin a bheith eagnaí de réir ghnás an tsaoil seo, bíodh sé ina amadán le go mbeadh sé eagnaí dáiríre.

[19]Mar níl in eagna an tsaoil seo ach díth céille i bhfianaise Dé, mar tá scríofa: “Sáinníonn sé na saoithe ina gcuid glicis féin”;

[20]agus arís: “Is eol don Tiarna smaointe na saoithe a bheith baoth.”

[21]Dá réir sin, ná bíodh duine ar bith ag déanamh mórtais as daoine, mar is libhse an t-iomlán:

[22]Pól agus Apollós agus Céafas, an domhan, an bheatha agus an bás, a bhfuil ann agus a bhfuil le teacht - is libhse iad uile,

[23]agus is le Críost sibhse agus is le Dia Críost.

1 Corantaigh 4

Gnó an Aspail

[1]Tuigeadh daoine gurb é atá ionainne, seirbhísigh do Chríost agus maoir ar rúndiamhara Dé.

[2]Éilítear ansin ar na maoir duine a bheith dílis.

[3] Todavia, a mim mui pouco se me dá de ser julgado por vós ou por tribunal humano; nem eu tampouco julgo a mim mesmo.

[3]Is róchuma liomsa, más ea, sibhse nó cúirt daoine ar bith a thabhairt breithe orm. Go deimhin ní thugaim féin breith orm féin

[4] Porque de nada me argúi a consciência; contudo, nem por isso me dou por justificado, pois quem me julga é o SENHOR.

[4]mar siúd is go bhfuil coinsias glan agam ní fhágann sin neamhchiontach mé. Is é an Tiarna féin a thugann breith ormsa.

[5] Portanto, nada julgueis antes do tempo, até que venha o SENHOR, o qual não somente trará à plena luz as coisas ocultas das trevas, mas também manifestará os desígnios dos corações; e, então, cada um receberá o seu louvor da parte de Deus.

[5]Ná bígíse, dá bhrí sin, ag tabhairt breithe roimh ré, nó go dtiocfaidh an Tiarna agus tabharfaidh seisean chun solais na nithe atá folaithe sa dorchadas agus nochtfaidh sé rúin na gcroíthe, agus ansin gheobhaidh cách a mholadh ó Dhia.

Uma reprovação severa

[6] Estas coisas, irmãos, apliquei-as figuradamente a mim mesmo e a Apolo, por vossa causa, para que por nosso exemplo aprendais isto: não ultrapasseis o que está escrito; a fim de que ninguém se ensoberbeça a favor de um em detrimento de outro.

[6]Thagair mé na nithe seo dom féin agus d'Apollós, a bhráithre, ar mhaithe libhse, i dtreo go bhfoghlaimeodh sibh ónár gcásna gan a bheith ag dul thar cailc, agus gan duine a bheith ag déanamh mórtais as duine amháin i gcoinne duine eile.

[7] Pois quem é que te faz sobressair? E que tens tu que não tenhas recebido? E, se o recebeste, por que te vanglorias, como se o não tiveras recebido?

[7]Cé a thugann an seasamh ar leith duitse? Céard atá agat nach bhfuair tú? Agus más amhlaidh a fuair tú é, cad ab áil leat bheith ag maíomh as faoi mar nach bhfuair tú é.

[8] Já estais fartos, já estais ricos; chegastes a reinar sem nós; sim, tomara reinásseis para que também nós viéssemos a reinar convosco.

[8]Sea, tá sibh sásta anois; tá sibh saibhir; tá rí agus rath oraibh dár mbuíochasna! Is trua liom gan an rath a bheith oraibh dáiríre ionas go mbeimisne i réim i bpáirt libh.

[9] Porque a mim me parece que Deus nos pôs a nós, os apóstolos, em último lugar, como se fôssemos condenados à morte;

[9]Mar is dóigh liom go bhfuilimidne, aspail, curtha ar taispeáint ag Dia in eireaball thiar na caithréime mar chimí a mbeadh an bás i ndán dóibh, mar gur

porque nos tornamos espetáculo ao mundo, tanto a anjos, como a homens.

sampla saolta sinn os comhair aingeal agus daoine.

10 Nós somos loucos por causa de Cristo, e vós, sábios em Cristo; nós, fracos, e vós, fortes; vós, nobres, e nós, desprezíveis.

10 Is amadáin sinne ar son Chríost fad atá sibhse stuama i gCríost. Táimidne lag agus tá sibhse láidir; tá sibhse faoi mheas agus tá drochmheas orainne.

11 Até à presente hora, sofremos fome, e sede, e nudez; e somos esbofeteados, e não temos morada certa,

11 Go dtí an uair seo féin tá ocras agus tart agus easpa éadaigh orainn; bítear ag gabháil de dhoirne orainn agus gan teach ná treibh againn.

12 e nos afadigamos, trabalhando com as nossas próprias mãos. Quando somos injuriados, bendizemos; quando perseguidos, suportamos;

12 Bímid ag obair agus ag luain lenár lámha féin. Nuair a cháintear sinn, guímid beannacht; nuair a dhéantar géarleanúint orainn fulaingímid leis;

13 quando caluniados, procuramos conciliação; até agora, temos chegado a ser considerados lixo do mundo, escória de todos.

13 nuair a mhaslaítear sinn tugaimid an freagra séimh. Níl ionainn go dtí anois féin ach dríodar an tsaoil agus dramhaíl an uile ní.

Paulo os admoesta como pai

14 Não vos escrevo estas coisas para vos envergonhar; pelo contrário, para vos admoestar como a filhos meus amados.

14 Ní ag iarraidh sibh a náiriú atáim ag scríobh na nithe seo ach ag tabhairt comhairle bhur leasa daoibh mar gur sibhse mo chlann mhuirneach féin.

15 Porque, ainda que tivésseis milhares de preceptores em Cristo, não teríeis, contudo, muitos pais; pois eu, pelo evangelho, vos gerei em Cristo Jesus.

15 Bíodh na mílte treoraí agaibh i gCríost, níl mórán aithreacha agaibh mar gur mise a ghin sibh in Íosa Críost tríd an dea-scéal.

16 Admoesto-vos, portanto, a que sejais meus imitadores.

16 Impím oraibh dá bhrí sin aithris a dhéanamh orm.

17 Por esta causa, vos mandei Timóteo, que é meu filho amado e fiel no SENHOR, o qual vos lembrará os meus caminhos em Cristo Jesus, como, por toda parte, ensino em cada igreja.

17 Is chuige sin atáim ag cur Tiomóid chugaibh: is é mo mhac muirneach dílis é sa Tiarna agus cuirfidh sé i gcuimhne daoibh mo bhealaí i gCríost a bhíonn agam á bhfógairt i ngach eaglais ar fud an bhaill.

[18] Alguns se ensoberbeceram, como se eu não tivesse de ir ter convosco;

[19] mas, em breve, irei visitar-vos, se o SENHOR quiser, e, então, conhecerei não a palavra, mas o poder dos ensoberbecidos.

[20] Porque o reino de Deus consiste não em palavra, mas em poder.

[21] Que preferis? Irei a vós outros com vara ou com amor e espírito de mansidão?

1 Coríntios 5

A impureza da igreja de Corinto. Repreensões e exortações

[1] Geralmente, se ouve que há entre vós imoralidade e imoralidade tal, como nem mesmo entre os gentios, isto é, haver quem se atreva a possuir a mulher de seu próprio pai.

[2] E, contudo, andais vós ensoberbecidos e não chegastes a lamentar, para que fosse tirado do vosso meio quem tamanho ultraje praticou?

[3] Eu, na verdade, ainda que ausente em pessoa, mas presente em espírito, já sentenciei, como se estivesse presente, que o autor de tal infâmia seja,

[4] em nome do SENHOR Jesus, reunidos vós e o meu espírito, com o poder de Jesus, nosso SENHOR,

[18]Tá cuid agaibh éirithe mórchúiseach faoi mar nach mbeinn ag teacht chugaibh ar chor ar bith.

[19]Beidh mé chugaibh gan mhoill áfach le cúnamh Dé agus is é éifeacht lucht na mórchúise a bhraithfidh mé ansin agus ní hea a gcuid cainte.

[20]Mar ní sa chaint atá ríocht Dé suite ach san éifeacht.

[21]Cé acu is rogha libh, mar sin, mé a theacht chugaibh le slat nó mé a theacht le grá agus le spiorad na séimhe?

1 Corantaigh 5

Cás Drúise

[1]Táthar á rá go forleathan go bhfuil an drúis in bhur measc agus is drúis i nach bhfaightear i measc na bpágánach féin;

[2]is é sin le rá go bhfuil duine agaibh i lánúnas lena leasmháthair. Agus sibhse lán de mhórchúis! Ag déanamh bróin ba chóra daoibh a bheith chun go n-ardófaí uaibh an té a rinne amhlaidh.

[3]I dtaca liom féin de, cé go bhfuilim i bhfad uaibh i bpearsa, tá mo spiorad ansiúd faraibh agus, chomh maith agus dá mbeinn in bhur láthair, tá mo bhreith tugtha cheana féin agam ar an té a rinne an gníomh sin,

[4]mar atá: sibhse a theacht le chéile in ainm ár dTiarna Íosa agus mise ó spiorad in bhur dteannta agus ar údarás ár dTiarna Íosa

[5] entregue a Satanás para a destruição da carne, a fim de que o espírito seja salvo no Dia do SENHOR [Jesus].
[6] Não é boa a vossa jactância. Não sabeis que um pouco de fermento leveda a massa toda?

[7] Lançai fora o velho fermento, para que sejais nova massa, como sois, de fato, sem fermento. Pois também Cristo, nosso Cordeiro pascal, foi imolado.

[8] Por isso, celebremos a festa não com o velho fermento, nem com o fermento da maldade e da malícia, e sim com os asmos da sinceridade e da verdade.
[9] Já em carta vos escrevi que não vos associásseis com os impuros;

[10] refiro-me, com isto, não propriamente aos impuros deste mundo, ou aos avarentos, ou roubadores, ou idólatras; pois, neste caso, teríeis de sair do mundo.

[11] Mas, agora, vos escrevo que não vos associeis com alguém que, dizendo-se irmão, for impuro, ou avarento, ou idólatra, ou maldizente, ou beberrão, ou roubador; com esse tal, nem ainda comais.

[12] Pois com que direito haveria eu de julgar os de fora? Não julgais vós os de dentro?

[13] Os de fora, porém, Deus os julgará. Expulsai, pois, de entre vós o malfeitor.

[5]an duine sin a thabhairt suas do Shátan lena chorp a mhilleadh i dtreo go dtiocfadh a anam slán lá úd an Tiarna.
[6]Ní healaí daoibh an mhórchúis; nach bhfuil a fhios agaibh go ndéanann pinse gabháile an taos go léir a ghabháileadh.
[7]Glanaigí amach an tseanghabháile ionas go mbeadh sibh in bhur dtaos úrnua gan gabháile ar bith ionaibh - agus is mar sin atá sibh, mar tá Críost, ár n-uan Cásca, íobartha.
[8]Déanaimis an fhéile a cheiliúradh dá bhrí sin, agus ní leis an tseanghabháile é, le gabháile an oilc agus na hurchóide, ach le slimarán an ionracais agus na fírinne.
[9]Dúirt mé libh i mo litir gan aon chaidreamh a bheith agaibh le drúisigh.
[10]Ní hiad drúisigh an tsaoil seo i gcoitinne a bhí i gceist agam ar ndóigh, na bithiúnaigh agus gadaithe agus íoltóirí i gcoitinne, mar nár mhór daoibh an saol a fhágáil sa chás sin.
[11]Is é a bhí i gceist agam gan aon chaidreamh a bheith agaibh le duine atá in ainm a bheith ina bhráthair ach é tugtha don drúis, nó don tsaint, nó don íoladhradh, nó don bhéadán, nó don mheisce, nó don robáil; agus fiú amháin gan ithe i dteannta a leithéid.
[12]Cad ab áil liomsa breith a thabhairt ar an muintir atá lasmuigh? Tabharfaidh Dia féin breith orthu siúd.
[13]Ach nach libhse breith a thabhairt ar an muintir laistigh? “Díbrígí an coirpeach as bhur measc.”

1 Coríntios 6

Paulo censura o litígio entre os irmãos

[1] Aventura-se algum de vós, tendo questão contra outro, a submetê-lo a juízo perante os injustos e não perante os santos?

[2] Ou não sabeis que os santos hão de julgar o mundo? Ora, se o mundo deverá ser julgado por vós, sois, acaso, indignos de julgar as coisas mínimas?

[3] Não sabeis que havemos de julgar os próprios anjos? Quanto mais as coisas desta vida!

[4] Entretanto, vós, quando tendes a julgar negócios terrenos, constituís um tribunal daqueles que não têm nenhuma aceitação na igreja.

[5] Para vergonha vo-lo digo. Não há, porventura, nem ao menos um sábio entre vós, que possa julgar no meio da irmandade?

[6] Mas irá um irmão a juízo contra outro irmão, e isto perante incrédulos!

[7] O só existir entre vós demandas já é completa derrota para vós outros. Por que não sofreis, antes, a injustiça? Por que não sofreis, antes, o dano?

[8] Mas vós mesmos fazeis a injustiça e fazeis o dano, e isto aos próprios irmãos!

1 Corantaigh 6

Gan Bheith ag dul chun Dlí

[1]Nuair a bhíonn cúis ag duine agaibh ar dhuine eile an mbíonn sé d'éadan air an scéal a chur faoi bhreith na neamhfhíréan in ionad na naomh?

[2]An é nach dtuigeann sibh gurb iad na naoimh a thabharfaidh breith ar an domhan? Agus más oraibhse atá breith a thabhairt ar an domhan, an amhlaidh nach bhfuil sibh in ann ceisteanna suaracha a réiteach?

[3]Nach bhfuil a fhios agaibh go dtabharfaimid breith ar na haingil féin gan trácht ar nithe saolta?

[4]Dá bhrí sin má bhíonn cúrsaí saolta le réiteach agaibh, cad ab áil libh iad a chur faoi bhreithiúnas daoine nach bhfuil seasamh ar bith sa phobal Críostaí acu?

[5]Mo náire sibh! An amhlaidh nach bhfuil aon duine stuama oraibh féin a d'fhéadfadh réiteach a dhéanamh idir a bhráithre,

[6]ach bráthair ag cur dlí ar bhráthair agus é a dhéanamh i láthair ainchreidmheach?

[7]Is locht oraibh a bheith ag dul chun dlí le chéile ar chor ar bith. Cén fáth nach gcuireann sibh suas leis an éagóir? Cén fáth nach bhfulaingíonn sibh leis an bhfeall?

[8]Ina ionad sin is amhlaidh a bhíonn sibh féin ag déanamh na héagóra agus an fhill agus is ar bhur mbráithre féin é chomh maith.

[9] Ou não sabeis que os injustos não herdarão o reino de Deus? Não vos enganeis: nem impuros, nem idólatras, nem adúlteros, nem efeminados, nem sodomitas,

[10] nem ladrões, nem avarentos, nem bêbados, nem maldizentes, nem roubadores herdarão o reino de Deus.

[11] Tais fostes alguns de vós; mas vós vos lavastes, mas fostes santificados, mas fostes justificados em o nome do SENHOR Jesus Cristo e no Espírito do nosso Deus.

A sensualidade é condenada

[12] Todas as coisas me são lícitas, mas nem todas convêm. Todas as coisas me são lícitas, mas eu não me deixarei dominar por nenhuma delas.

[13] Os alimentos são para o estômago, e o estômago, para os alimentos; mas Deus destruirá tanto estes como aquele. Porém o corpo não é para a impureza, mas, para o SENHOR, e o SENHOR, para o corpo.

[14] Deus ressuscitou o SENHOR e também nos ressuscitará a nós pelo seu poder.

[15] Não sabeis que os vossos corpos são membros de Cristo? E eu, porventura, tomaria os membros de Cristo e os faria membros de meretriz? Absolutamente, não.

[16] Ou não sabeis que o homem que se une à prostituta forma um só corpo com ela? Porque, como se diz, serão os dois uma só carne.

[9]An é nach dtuigeann sibh nach bhfaighidh drochdhaoine ríocht Dé mar oidhreacht? Ná bíodh aon dul amú oraibh: drúisigh ná íoltóirí ná adhaltraigh ná piteoga ná sodamaigh

[10]ná gadaithe ná santacháin ná meisceoirí ná cáinteoirí ná robálaithe - ní bhfaighidh siad ríocht Dé mar oidhreacht.

[11]Agus is mar sin a bhí cuid agaibhse tráth ach tá sibh nite anois, tá sibh coisricthe agus fíréanaithe in ainm an Tiarna Íosa Críost agus i Spiorad ár nDé.

Tugaigí Glóir do Dhia le bhur gCorp

[12]“Tá gach ní ceadaithe dom” - ach ní hé gach ní a théann chun sochair. “Tá gach ní ceadaithe dom” - ach ní mise a bheidh faoi smacht ag aon rud.

[13]“Is don ghoile atá an bia ann agus is don bhia an goile” - ach cuirfidh Dia idir bhia agus ghoile ar neamhní. Ní don drúis atá an corp ann, áfach, ach don Tiarna agus is don chorp atá an Tiarna ann.

[14]Mar ní amháin gur thóg Dia an Tiarna ó mhairbh ach tógfaidh sé sinne ó mhairbh lena chumhacht chomh maith.

[15]Nach bhfuil a fhios agaibh gur baill bheatha de Chríost bhur gcoirp? Más ea, an bhfuilim chun baill bheatha Chríost a thógáil agus baill bheatha mheirdrí a dhéanamh díobh? Nár lige Dia sin!

[16]Nach bhfuil a fhios agaibh an té a bhíonn go dlúth i bpáirt le meirdreach go mbíonn sé d'aon chorp léi? Mar a deir an scrioptúr: “Aon cholainn amháin a bheidh sa bheirt acu.”

[17] Mas aquele que se une ao SENHOR é um espírito com ele.

[18] Fugi da impureza. Qualquer outro pecado que uma pessoa cometer é fora do corpo; mas aquele que pratica a imoralidade peca contra o próprio corpo.

[19] Acaso, não sabeis que o vosso corpo é santuário do Espírito Santo, que está em vós, o qual tendes da parte de Deus, e que não sois de vós mesmos?

[20] Porque fostes comprados por preço. Agora, pois, glorificai a Deus no vosso corpo.

[17]An té a bhíonn go dlúth i bpáirt leis an Tiarna áfach, bíonn sé d'aon spiorad leis.

[18]Seachnaígí an drúis dá réir sin. Gach peaca eile dá ndéanann an duine, is lasmuigh dá chorp a bhíonn sé, ach is in aghaidh a choirp féin a pheacaíonn fear na drúise.

[19]Nach bhfuil a fhios agaibh gur teampall bhur gcorp ag an Spiorad Naomh atá istigh ionaibh mar bhronn Dia oraibh é? Ní libh féin sibh

[20]mar gur daor a ceannaíodh sibh. Más ea, tugaigí glóir do Dhia le bhur gcorp.

1 Coríntios 7

Respostas a perguntas acerca do casamento

[1] Quanto ao que me escrevestes, é bom que o homem não toque em mulher;

[2] mas, por causa da impureza, cada um tenha a sua própria esposa, e cada uma, o seu próprio marido.

[3] O marido conceda à esposa o que lhe é devido, e também, semelhantemente, a esposa, ao seu marido.

[4] A mulher não tem poder sobre o seu próprio corpo, e sim o marido; e também, semelhantemente, o marido não tem poder sobre o seu próprio corpo, e sim a mulher.

[5] Não vos priveis um ao outro, salvo talvez por mútuo consentimento, por algum tempo, para vos dedicardes à oração e, novamente, vos ajuntardes, para que

1 Corantaigh 7

An Pósadh

[1]Maidir leis na nithe ar scríobh sibh ina dtaobh: sea, b'fhearr d'fhear gan baint le bean;

[2]ach le heagla na drúise bíodh a bhean féin ag gach fear agus bíodh a fear féin ag gach bean.

[3]Tugadh an fear a cearta pósta dá bhean agus tugadh an bhean mar an gcéanna a chearta dá fear.

[4]Mar ní ag an mbean atá ceannas ar a corp féin ach ag a fear; agus an fear mar an gcéanna, ní aige atá ceannas ar a chorp ach ag an mbean.

[5]Agus ná diúltaígí dá chéile ach amháin ar feadh seala le toil a chéile d'fhonn bheith saor chun urnaithe agus ansin teacht ar ais le chéile arís ar eagla go gcuirfeadh Sátan cathú oraibh de dheasca ainriantachta.

Satanás não vos tente por causa da incontinência.

[6] E isto vos digo como concessão e não por mandamento.

[7] Quero que todos os homens sejam tais como também eu sou; no entanto, cada um tem de Deus o seu próprio dom; um, na verdade, de um modo; outro, de outro.

[8] E aos solteiros e viúvos digo que lhes seria bom se permanecessem no estado em que também eu vivo.

[9] Caso, porém, não se dominem, que se casem; porque é melhor casar do que viver abrasado.

A estabilidade da família

[10] Ora, aos casados, ordeno, não eu, mas o SENHOR, que a mulher não se separe do marido

[11] (se, porém, ela vier a separar-se, que não se case ou que se reconcilie com seu marido); e que o marido não se aparte de sua mulher.

[12] Aos mais digo eu, não o SENHOR: se algum irmão tem mulher incrédula, e esta consente em morar com ele, não a abandone;

[13] e a mulher que tem marido incrédulo, e este consente em viver com ela, não deixe o marido.

[14] Porque o marido incrédulo é santificado no convívio da esposa, e a esposa incrédula é santificada no convívio do marido crente. Doutra sorte, os vossos filhos seriam impuros; porém, agora, são santos.

[6]Is mar chomhairle a deirim an méid sin, áfach, agus ní mar ordú.

[7]Ba mhaith liom gach duine a bheith ar mo nós féin, ach bíonn a thabhartas féin ó Dhia ag cách, duine mar seo agus duine eile mar siúd.

[8]Is é a deirim leis na daoine single agus leis na baintreacha go mb'fhearr dóibh fanacht mar atá siad ar mo nós féin.

[9]Ach mura mbíonn guaim acu orthu féin pósaidís, mar is fearr pósadh ná loscadh.

[10]Tá an foláireamh seo le tabhairt agam, áfach, dóibh seo atá pósta, agus ní uaim féin é ach ón Tiarna: ná tréigeadh bean a fear céile -

[11]ach má thréigeann fanadh sí gan pósadh nó déanadh sí mór arís leis - agus ná scaoileadh fear a bhean chéile uaidh.

[12]Deirim an méid seo leis an gcuid eile - is uaim féin é agus ní ón Tiarna - an bráthair a bhfuil díchreidmheach mná aige agus í sásta cónaí leis, ná scaoileadh sé uaidh í.

[13]Agus an bhean a bhfuil díchreidmheach fir aici agus é sásta cónaí léi, ná scaoileadh sí uaithi é.

[14]Mar tá an díchreidmheach fir naomhaithe ag an mbean agus tá an díchreidmheach mná naomhaithe ag an mbráthair: mura mbeadh sin bheadh bhur gclann neamhghlan - ach tá siad naofa dáiríre.

[15] Mas, se o descrente quiser apartar-se, que se aparte; em tais casos, não fica sujeito à servidão nem o irmão, nem a irmã; Deus vos tem chamado à paz.

[16] Pois, como sabes, ó mulher, se salvarás teu marido? Ou, como sabes, ó marido, se salvarás tua mulher?

[17] Ande cada um segundo o SENHOR lhe tem distribuído, cada um conforme Deus o tem chamado. É assim que ordeno em todas as igrejas.

[18] Foi alguém chamado, estando circunciso? Não desfaça a circuncisão. Foi alguém chamado, estando incircunciso? Não se faça circuncidar.

[19] A circuncisão, em si, não é nada; a incircuncisão também nada é, mas o que vale é guardar as ordenanças de Deus.

[20] Cada um permaneça na vocação em que foi chamado.

[21] Foste chamado, sendo escravo? Não te preocupes com isso; mas, se ainda podes tornar-te livre, aproveita a oportunidade.

[22] Porque o que foi chamado no SENHOR, sendo escravo, é liberto do SENHOR; semelhantemente, o que foi chamado, sendo livre, é escravo de Cristo.

[23] Por preço fostes comprados; não vos torneis escravos de homens.

[15]Ach má tá fonn scarúna ar an gcéile díchreidmheach, imíodh sé leis; níl an bráthair ná an bhean faoi cheangal ina leithéid sin de chás mar gur chun maireachtáil go suaimhneach a ghlaoigh Dia oraibh.

[16]Agus cá bhfios duit a bhean, go sábhálfaidh tú d'fhear céile? Agus cá bhfios duitse, a dhuine, go sábhálfaidh tú do bhean?

Fanaimis mar a Bhíomar

[17]Taobh amuigh de sin, leanadh gach duine den saol a bhí ceaptha ag an Tiarna dó, mar a bhí aige nuair a fuair sé an glao ó Dhia. Sin é an riail a leagaimse síos sna heaglaisí uile.

[18]Má bhí duine timpeallghearrtha nuair a glaodh air, ná bíodh sé ag iarraidh na comharthaí a chur ar ceal. Má bhí duine gan timpeallghearradh nuair a glaodh air, ná timpeallghearrtar anois é.

[19]Is cuma an timpeallghearradh ann nó as ach aitheanta Dé a choimeád.

[20]Fanadh gach duine sa ghairm bheatha ina raibh sé nuair a glaodh air.

[21]An daor a bhí ionat nuair a fuair tú an glao? Má ba ea, ná cuireadh sin as duit - ach más féidir duit dul saor, b'fhearr duit an deis a ghlacadh.

[22]An daorfhear a bhfuil glaoite sa Tiarna air, is saorfhear leis an Tiarna é. Ar an gcuma chéanna an saorfhear a fuair an glao, is daorfhear le Críost é.

[23]Ceannaíodh sibh go daor; más ea, ná cuirtear sibh faoi dhaorsmacht daoine.

[24] Irmãos, cada um permaneça diante de Deus naquilo em que foi chamado.

Problemas com respeito ao casamento em tempos de tribulação

[25] Com respeito às virgens, não tenho mandamento do SENHOR; porém dou minha opinião, como tendo recebido do SENHOR a misericórdia de ser fiel.

[26] Considero, por causa da angustiosa situação presente, ser bom para o homem permanecer assim como está.

[27] Estás casado? Não procures separar-te. Estás livre de mulher? Não procures casamento.

[28] Mas, se te casares, com isto não pecas; e também, se a virgem se casar, por isso não peca. Ainda assim, tais pessoas sofrerão angústia na carne, e eu quisera poupar-vos.

[29] Isto, porém, vos digo, irmãos: o tempo se abrevia; o que resta é que não só os casados sejam como se o não fossem;

[30] mas também os que choram, como se não chorassem; e os que se alegram, como se não se alegrassem; e os que compram, como se nada possuíssem;

[31] e os que se utilizam do mundo, como se dele não usassem; porque a aparência deste mundo passa.

[32] O que realmente eu quero é que estejais livres de preocupações. Quem não é

[24]Dá réir sin, a bhráithre, fanadh gach duine i bhfianaise Dé mar a bhí sé nuair a fuair sé an glao.

Maighdeana agus Baintreacha

[25]Maidir le maighdeana, níl aon ordú agam ón Tiarna; tá mo thuairim féin agam le tabhairt daoibh, áfach, mar dhuine atá iontaofa de bharr thrócaire an Tiarna.

[26]Is é is dóigh liomsa, mar gheall ar strus na huaire, go mb'fhearr do dhuine fanacht mar atá sé.

[27]Má tá tú ceangailte le bean, ná bí ag lorg do scaoilte; má tá tú scaoilte ó bhean, ná bí ag iarraidh bean a phósadh.

[28]Má phósann tú, áfach, ní aon pheaca duit é agus má phósann cailín óg ní aon pheaca dise é. Beidh anró an tsaoil ar a leithéidí áfach agus ba mhaith liom sibh a shábháil air sin.

[29]Is é atáim a rá libh, a bhráithre, go bhfuil an uain dulta i ngiorracht; dá chionn sin, iad seo a bhfuil bean acu, bídís ar chuma daoine nach mbeadh aon bhean acu;

[30]bíodh lucht an ghoil faoi mar nach mbeidís ag gol, agus bíodh lucht na lúcháire faoi mar nach mbeidís ag déanamh lúcháire.

[31]Iad sin a bhíonn ag ceannach, bídís ar chuma daoine nach mbeadh dada ina seilbh acu; agus iad siúd a bhíonn ag gabháil do ghnóthaí an tsaoil ná bídís gafa iontu, mar tá dreach an tsaoil seo ag síothlú.

[32]Is amhlaidh ba mhaith liom sibh a bheith saor ó imní. Bíonn an fear singil

casado cuida das coisas do SENHOR, de como agradar ao SENHOR;

buartha faoi ghnóthaí an Tiarna ag iarraidh an Tiarna a shásamh;

[33] mas o que se casou cuida das coisas do mundo, de como agradar à esposa,

[33]ach bíonn an fear pósta buartha faoi ghnóthaí an tsaoil ag iarraidh a bhean a shásamh, rud a fhágann é i ngalar na gcás.

[34] e assim está dividido. Também a mulher, tanto a viúva como a virgem, cuida das coisas do SENHOR, para ser santa, assim no corpo como no espírito; a que se casou, porém, se preocupa com as coisas do mundo, de como agradar ao marido.

[34]Ar an gcuma chéanna bíonn an bhean singil nó an cailin óg buartha faoi chúrsaí an Tiarna d'fhonn a bheith naofa idir chorp agus anam; ach bíonn an bhean phósta buartha faoi chúrsaí an tsaoil ag iarraidh a fear a shásamh.

[35] Digo isto em favor dos vossos próprios interesses; não que eu pretenda enredar-vos, mas somente para o que é decoroso e vos facilite o consagrar-vos, desimpedidamente, ao SENHOR.

[35]Is ar mhaithe libh a deirim an méid seo, agus ní ag iarraidh laincis a chur oraibh atáim, ach le go mbeadh gach ní ina cheart, agus go bhfónfadh sibh don Tiarna gan cur isteach ná amach oraibh.

[36] Entretanto, se alguém julga que trata sem decoro a sua filha, estando já a passar-lhe a flor da idade, e as circunstâncias o exigem, faça o que quiser. Não peca; que se casem.

[36]Más dóigh le duine nach bhfuil sé ag déanamh mar is cuí le hiníon leis agus í go maith in aois a pósta agus gan aon réiteach eile aige air, déanadh sé mar is áil leis; pósaidís agus ní haon pheaca dó é.

[37] Todavia, o que está firme em seu coração, não tendo necessidade, mas domínio sobre o seu próprio arbítrio, e isto bem firmado no seu ânimo, para conservar virgem a sua filha, bem fará.

[37]Ar an taobh eile, áfach, an fear atá daingean diongbháilte ina chroí, agus gan aon iallach air ach é ar a chomhairle féin, agus a shocraíonn ina aigne ar a iníon a choinneáil mar atá sí, beidh rud maith déanta aige.

[38] E, assim, quem casa a sua filha virgem faz bem; quem não a casa faz melhor.

[38]Más ea, an fear a chuireann a iníon i gcrích, beidh rud maith déanta aige ach an fear nach ndéanann, beidh rud is fearr fós déanta aige sin.

[39] A mulher está ligada enquanto vive o marido; contudo, se falecer o marido, fica

[39]Bíonn ceangal ar bhean fad a mhaireann a fear; ach má chailltear an fear, níl a bhac

livre para casar com quem quiser, mas somente no SENHOR.

[40] Todavia, será mais feliz se permanecer viúva, segundo a minha opinião; e penso que também eu tenho o Espírito de Deus.

uirthi a rogha duine a phósadh - ach é a bheith ina phósadh sa Tiarna.

[40]Is sonasaí a bheidh sí, áfach, i mo thuairimse, má fhanann sí mar atá sí; agus is dóigh liom go bhfuil Spiorad Dé agamsa chomh maith.

1 Coríntios 8

Acerca das coisas sacrificadas aos ídolos

[1] No que se refere às coisas sacrificadas a ídolos, reconhecemos que todos somos senhores do saber. O saber ensoberbece, mas o amor edifica.

[2] Se alguém julga saber alguma coisa, com efeito, não aprendeu ainda como convém saber.

[3] Mas, se alguém ama a Deus, esse é conhecido por ele.

[4] No tocante à comida sacrificada a ídolos, sabemos que o ídolo, de si mesmo, nada é no mundo e que não há senão um só Deus.

[5] Porque, ainda que há também alguns que se chamem deuses, quer no céu ou sobre a terra, como há muitos deuses e muitos senhores,

[6] todavia, para nós há um só Deus, o Pai, de quem são todas as coisas e para quem existimos; e um só SENHOR, Jesus Cristo, pelo qual são todas as coisas, e nós também, por ele.

[7] Entretanto, não há esse conhecimento em todos; porque alguns, por efeito da

1 Corantaigh 8

Bia an Teampaill

[1]An cheist seo faoin mbia a ofráiltear do na híola: ar ndóigh tuigimid go bhfuil “fios” againn go léir. Mar sin féin cothaíonn an fios seo an mhórchúis, ach is é an grá a dhéanann tógáil.

[2]An duine a mhaíonn go bhfuil fios fátha an scéil aige níl fios a ghnó mar ba chóir fós aige,

[3]ach an té a bhfuil grá do Dhia aige, tá sé aitheanta ag Dia.

[4]Maidir leis an mbia íobartha seo a ithe, is eol dúinn nach bhfuil, dáiríre, bonn ar bith le híola agus nach bhfuil ach an t-aon Dia amháin ann.

[5]Tá gan amhras déithe mar dhea ar neamh agus ar talamh - go deimhin tá “déithe” agus “tiarnaí” ann go líonmhar.

[6]Mar sin féin níl ann, i dtaca linne de, ach an t-aon Dia amháin, an tAthair arb uaidh an uile ní agus arb ina chomhair atáimidne ann; agus níl ann ach an t-aon Tiarna amháin, Íosa Críost, ar tríd a thagann an uile ní agus ar tríd atáimidne ann chomh maith.

[7]Ní hé gach aon duine a bhfuil an tuiscint seo aige áfach. Tá daoine áirithe ann agus

familiaridade até agora com o ídolo, ainda comem dessas coisas como a ele sacrificadas; e a consciência destes, por ser fraca, vem a contaminar-se.

oiread [taithí] acu ar na híola go dtí seo, go gcaitheann siad an bia faoi mar go mbeadh sé íobartha don íol dáiríre agus toisc a gcoinsias a bheith lag fágtar smál dá réir air.

[8] Não é a comida que nos recomendará a Deus, pois nada perderemos, se não comermos, e nada ganharemos, se comermos.

[8]Ach ní hé an bia a dhlúthóidh le Dia sinn; ní fearrde sinn é a chaitheamh agus ní measaide sinn é a fhágáil inár ndiaidh.

[9] Vede, porém, que esta vossa liberdade não venha, de algum modo, a ser tropeço para os fracos.

[9]Bígí aireach, áfach, ar eagla go mbeadh an tsaoirse sin agaibh ina ceap tuisle do na laga.

[10] Porque, se alguém te vir a ti, que és dotado de saber, à mesa, em templo de ídolo, não será a consciência do que é fraco induzida a participar de comidas sacrificadas a ídolos?

[10]Mar an duine a bhfuil an coinsias go lag aige, má fheiceann sé tusa, fear an eolais, i do shuí chun boird istigh i dteampall págánach, nach mbrostófar é chun an bia íobartha a chaitheamh chomh maith?

[11] E assim, por causa do teu saber, perece o irmão fraco, pelo qual Cristo morreu.

[11]An duine lag is bráthair duit agus a bhfuair Críost bás ar a shon, déantar é a mhilleadh le do chuidse eolais.

[12] E deste modo, pecando contra os irmãos, golpeando-lhes a consciência fraca, é contra Cristo que pecais.

[12]Nuair a pheacaíonn sibh in aghaidh bhur mbráithre ar an gcuma sin agus a gcoinsias lag a ghonadh, is in aghaidh Chríost a dhéanann sibh an peaca dáiríre.

[13] E, por isso, se a comida serve de escândalo a meu irmão, nunca mais comerei carne, para que não venha a escandalizá-lo.

[13]Dá chionn sin, má chuireann an bia mo bhráthairse ar a aimhleas, ní bhlaisfidh mé feoil go deo arís ar eagla go gcuirfinn ar a aimhleas é.

1 Coríntios 9

A liberdade e os direitos do apóstolo Paulo

[1] Não sou eu, porventura, livre? Não sou apóstolo? Não vi Jesus, nosso SENHOR? Acaso, não sois fruto do meu trabalho no SENHOR?

1 Corantaigh 9

Tréigeann Pól a Chearta Aspail

[1]Nach saorfhear mise chomh maith le cách? Nach aspal mé? Nach bhfuil Íosa ár dTiarna feicthe agam? Nach sibhse mo shaothar sa Tiarna?

[2] Se não sou apóstolo para outrem, certamente, o sou para vós outros; porque vós sois o selo do meu apostolado no SENHOR.

[3] A minha defesa perante os que me interpelam é esta:

[4] não temos nós o direito de comer e beber?

[5] E também o de fazer-nos acompanhar de uma mulher irmã, como fazem os demais apóstolos, e os irmãos do SENHOR, e Cefas?

[6] Ou somente eu e Barnabé não temos direito de deixar de trabalhar?

[7] Quem jamais vai à guerra à sua própria custa? Quem planta a vinha e não come do seu fruto? Ou quem apascenta um rebanho e não se alimenta do leite do rebanho?

[8] Porventura, falo isto como homem ou não o diz também a lei?

[9] Porque na lei de Moisés está escrito: Não atarás a boca ao boi, quando pisa o trigo. Acaso, é com bois que Deus se preocupa?

[10] Ou é, seguramente, por nós que ele o diz? Certo que é por nós que está escrito; pois o que lavra cumpre fazê-lo com esperança; o que pisa o trigo faça-o na esperança de receber a parte que lhe é devida.

[11] Se nós vos semeamos as coisas espirituais, será muito recolhermos de vós bens materiais?

[2]Fiú mura bhfuil meas aspail ag daoine eile orm, is dearbh gurb aspal daoibhse mé mar gur sibhse an séala ar mo mhisean sa Tiarna.

[3]Seo é mo fhreagra orthu siúd a bhíonn ag beachtaíocht orm:

[4]Nach bhfuil ceart ite agus óil againn?

[5]Nach bhfuil sé de cheart againn bean chéile a bheith lenár gcois againn dála na n-aspal eile, dála bhráithre an Tiarna agus dála Chéafais?

[6]An ormsa agus ar Bharnabas amháin atá coiscthe an saothar láimhe a thabhairt suas?

[7]Cé a théann riamh ag saighdiúireacht ar a chostas féin? Cé a chuireann fíonghort ach nach n-itheann cuid dá thoradh? Nó cén t-aoire a dhéanann aoireacht ach nach n-ólann bainne a thréada féin?

[8]Agus an i dtaobh le hargóintí ón ngnáthshaol atáim, nó nach bhfuil an rud céanna le rá ag an dlí?

[9]Sea, tá scríofa i ndlí Mhaois: “Ná cuir pusachán ar an damh agus é ag satailt an arbhair.”

[10]An iad na daimh is cás le Dia? Nó nach chugainne a bhí sé dáiríre? Is chugainn a scríobhadh é gan dabht, á thabhairt le fios nach miste don treabhadóir agus don bhuailteoir bheith ag súil lena gcion den toradh a fháil.

[11]Má chuireamarna síol spioradálta daoibhse, an mór an ní é má bhainimid toradh saolta uaibh?

[12] Se outros participam desse direito sobre vós, não o temos nós em maior medida? Entretanto, não usamos desse direito; antes, suportamos tudo, para não criarmos qualquer obstáculo ao evangelho de Cristo.

[12]Má fhaigheann daoine eile an ceart seo uaibh, nach móide go bhfaighmisne uaibh é? Ach níor bhaineamar feidhm riamh as an gceart sin. Ina ionad sin cuirimid suas le gach sort ar eagla go gcuirfimis bac dá laghad ar dhea-scéal Chríost.

[13] Não sabeis vós que os que prestam serviços sagrados do próprio templo se alimentam? E quem serve ao altar do altar tira o seu sustento?

[13]Nach eol daoibh, iad sin a bhíonn i mbun searmanais an teampaill, go gcaitheann siad bia an teampaill; agus iad sin a bhíonn ag freastal ag an altóir, go bhfaigheann siad a gcion de bhia na haltóra?

[14] Assim ordenou também o SENHOR aos que pregam o evangelho que vivam do evangelho;

[14]Ar an gcuma chéanna d'achtaigh an Tiarna do lucht fógartha an dea-scéil a mbeatha a bhaint as an dea-scéal.

[15] eu, porém, não me tenho servido de nenhuma destas coisas e não escrevo isto para que assim se faça comigo; porque melhor me fora morrer, antes que alguém me anule esta glória.

[15]Ach níor bhain mise feidhm as aon cheart acu sin agus ní á n-éileamh dom féin anois atáim ag scríobh na litreach seo. B'fhearr liom bás a fháil ar dtús ná go bhfágfadh duine ar bith mé gan m'ábhar maíte.

[16] Se anuncio o evangelho, não tenho de que me gloriar, pois sobre mim pesa essa obrigação; porque ai de mim se não pregar o evangelho!

[16]Ní aon chúis mhaíte dom bheith ag fógairt an dea-scéil, mar is é mo dhualgas é, agus is domsa is mairg mura ndéanfaidh mé an dea-scéal a fhógairt.

[17] Se o faço de livre vontade, tenho galardão; mas, se constrangido, é, então, a responsabilidade de despenseiro que me está confiada.

[17]Dá mba de mo dheoin féin a bheinn á dhéanamh sin bheadh tuarastal ag dul dom; ach más de m'ainneoin é, is dualgas é atá curtha orm.

[18] Nesse caso, qual é o meu galardão? É que, evangelizando, proponha, de graça, o evangelho, para não me valer do direito que ele me dá.

[18]Cén tuarastal atá ag dul dom mar sin? Tá, go ndéanaim an dea-scéal a fhógairt saor in aisce gan feidhm ar bith a bhaint as an gceart is liom ón dea-scéal.

[19] Porque, sendo livre de todos, fiz-me escravo de todos, a fim de ganhar o maior número possível.

[20] Procedi, para com os judeus, como judeu, a fim de ganhar os judeus; para os que vivem sob o regime da lei, como se eu mesmo assim vivesse, para ganhar os que vivem debaixo da lei, embora não esteja eu debaixo da lei.

[21] Aos sem lei, como se eu mesmo o fosse, não estando sem lei para com Deus, mas debaixo da lei de Cristo, para ganhar os que vivem fora do regime da lei.

[22] Fiz-me fraco para com os fracos, com o fim de ganhar os fracos. Fiz-me tudo para com todos, com o fim de, por todos os modos, salvar alguns.

[23] Tudo faço por causa do evangelho, com o fim de me tornar cooperador com ele.

[24] Não sabeis vós que os que correm no estádio, todos, na verdade, correm, mas um só leva o prêmio? Correi de tal maneira que o alcanceis.

[25] Todo atleta em tudo se domina; aqueles, para alcançar uma coroa corruptível; nós, porém, a incorruptível.

[19]Bíodh nach bhfuil buannacht ag duine ar bith orm, rinne mé sclábha díom féin don uile dhuine d'fhonn breis a thabhairt liom.

[20]Leis na Giúdaigh bhí mé mar a bheadh Giúdach d'fhonn na Giúdaigh a thabhairt liom. Leo sin atá faoi réir an dlí bhí mé mar dhuine a bheadh faoi réir an dlí - cé nach bhfuilim faoina réir dáiríre - d'fhonn an mhuintir atá faoi réir an dlí a thabhairt liom.

[21]Leo siúd atá saor ón dlí bhí mé mar dhuine a bheadh saor ón dlí d'fhonn an mhuintir atá saor ón dlí a thabhairt liom - cé nach bhfuilim saor ó dhlí Dé ach mé faoi dhlí Chríost.

[22]Bhí mé lag leis na laga d'fhonn na laga a thabhairt liom. Bhí mé i mo gach ní do gach duine d'fhonn cuid áirithe acu a shábháil ar chuma éigin.

[23]Is ar mhaithe leis an dea-scéal a dhéanaim gach ní ionas go mbeinn i bpáirt ann.

[24]Iad siúd a bhíonn ag rás i gcomórtas nach bhfuil a fhios agaibh go ritheann siad go léir, ach nach mbeireann ach an t-aon duine amháin acu an chraobh leis. Rithigíse ar shlí go mbainfidh sibh an chraobh thar barr amach.

[25]Níl aon iomaitheoir díobh nach í an mheasarthacht a ghnáthaíonn sé i ngach ní. Níl le baint acu siúd ach craobh dhíomuan ach tá craobh le baint againne nach dtréigfidh choíche.

[26] Assim corro também eu, não sem meta; assim luto, não como desferindo golpes no ar.

[27] Mas esmurro o meu corpo e o reduzo à escravidão, para que, tendo pregado a outros, não venha eu mesmo a ser desqualificado.

1 Coríntios 10

Exemplos da história de Israel

[1] Ora, irmãos, não quero que ignoreis que nossos pais estiveram todos sob a nuvem, e todos passaram pelo mar,

[2] tendo sido todos batizados, assim na nuvem como no mar, com respeito a Moisés.

[3] Todos eles comeram de um só manjar espiritual

[4] e beberam da mesma fonte espiritual; porque bebiam de uma pedra espiritual que os seguia. E a pedra era Cristo.

[5] Entretanto, Deus não se agradou da maioria deles, razão por que ficaram prostrados no deserto.

[6] Ora, estas coisas se tornaram exemplos para nós, a fim de que não cobicemos as coisas más, como eles cobiçaram.

[7] Não vos façais, pois, idólatras, como alguns deles; porquanto está escrito: O povo assentou-se para comer e beber e levantou-se para divertir-se.

[26]I dtaca liom féin, nuair a rithimse rás ní chun seachráin é; nuair a bhím ag dornáil ní mar bheinn ag bualadh an aeir é.

[27]Ní hea ach tugaim bascadh do mo chorp agus coinním faoi smacht é le heagla go gcolfaí mé féin tar éis dom a bheith ag fógairt ar dhaoine eile.

1 Corantaigh 10

Rabhadh faoin Íoladhradh

[1]Ní háil liom nach mbeadh a fhios agaibh, a bhráithre, go raibh ár sinsir uile faoi scáth an scamaill agus go ndeachaigh siad uile tríd an muir,

[2]agus gur baisteadh iad uile sa scamall agus sa mhuir i gcomhar le Maois.

[3]Chaith siad uile an bia spioradálta céanna

[4]agus d'ól siad an deoch spioradálta chéanna mar gur ól siad deoch ón gcarraig spioradálta a bhí á leanúint - agus ba é Críost an charraig sin.

[5]Mar sin féin ní raibh Dia buíoch dá bhformhór agus dá chomhartha sin fágadh sínte iad faoin bhfásach.

[6]Is mar shampla dúinne a tharla na nithe sin, á fhógairt dúinn gan dúil a chur i ndrochnithe faoi mar a chuir siad siúd.

[7]Ná bígí ag adhradh déithe bréige, más ea, faoi mar a bhí cuid acu siúd de réir mar atá scríofa: “Shuigh an pobal seo fúthu ag ithe agus ag ól agus d'éirigh siad suas chun spóirt.”

[8] E não pratiquemos imoralidade, como alguns deles o fizeram, e caíram, num só dia, vinte e três mil.

[9] Não ponhamos o SENHOR à prova, como alguns deles já fizeram e pereceram pelas mordeduras das serpentes.

[10] Nem murmureis, como alguns deles murmuraram e foram destruídos pelo exterminador.

[11] Estas coisas lhes sobrevieram como exemplos e foram escritas para advertência nossa, de nós outros sobre quem os fins dos séculos têm chegado.

[12] Aquele, pois, que pensa estar em pé veja que não caia.

[13] Não vos sobreveio tentação que não fosse humana; mas Deus é fiel e não permitirá que sejais tentados além das vossas forças; pelo contrário, juntamente com a tentação, vos proverá livramento, de sorte que a possais suportar.

O cristão deve fugir da idolatria

[14] Portanto, meus amados, fugi da idolatria.

[15] Falo como a criteriosos; julgai vós mesmos o que digo.

[16] Porventura, o cálice da bênção que abençoamos não é a comunhão do sangue de Cristo? O pão que partimos não é a comunhão do corpo de Cristo?

[17] Porque nós, embora muitos, somos unicamente um pão, um só corpo; porque todos participamos do único pão.

[8]Agus ná déanaimis drúise faoi mar a rinne cuid acu siúd nó gur thit in aon lá amháin trí mhíle ar fhichid acu.

[9]Ná cuirimis triail ar an Tiarna faoi mar a rinne cuid acu siúd nó gur mharaigh na nathracha nimhe iad.

[10]Agus ná déanaigí monabhar mar a rinne cuid acu sin monabhar gur scrios an scriosadóir iad.

[11]Tharla na nithe sin dóibh mar shampla dúinne agus scríobhadh iad mar rabhadh dúinne ar ar tháinig críoch na n-aoiseanna.

[12]Dá réir sin an té ar dóigh leis go bhfuil sé ina sheasamh, tugadh sé aire ar eagla go dtitfeadh sé.

[13]Níor rug aon triail oraibh go dtí seo a bhí thar chumas an duine. Mar tá Dia dílis agus ní ligfidh sé bhur dtástáil thar bhur n-achmhainn agus nuair a thiocfaidh an triail cuirfidh sé an bealach ar fáil chomh maith i dtreo go mbeidh ar bhur gcumas teacht uaithi slán.

[14]Dá chionn sin, a chairde ionúine, seachnaígí an t-íoladhradh.

[15]Ós ag caint le daoine stuama atáim, breithnígí féin a bhfuil agam á rá:

[16]Cupa an altaithe a bheannaímid, nach páirtíocht i bhfuil Chríost é? Agus an t-arán a bhrisimid nach páirtiocht i gcorp Chríost é?

[17]Ós aon arán amháin é, níl ionainne dá líonmhaire sinn ach aon chorp amháin toisc go gcaithimid go léir an t-aon arán amháin.

[18] Considerai o Israel segundo a carne; não é certo que aqueles que se alimentam dos sacrifícios são participantes do altar?

[18]Breathnaígí Iosrael na staire: an chuid acu a chaitheann an bia íobartha nach mbíonn siad páirteach san altóir?

[19] Que digo, pois? Que o sacrificado ao ídolo é alguma coisa? Ou que o próprio ídolo tem algum valor?

[19]Céard atá i gceist agam? Go bhfuil brí ar bith leis an mbia a ofráiltear d'íola nó go bhfuil brí ar bith leis an íol?

[20] Antes, digo que as coisas que eles sacrificam, é a demônios que as sacrificam e não a Deus; e eu não quero que vos torneis associados aos demônios.

[20]Ní hea go deimhin; ach toisc gur do dheamhain agus nach do Dhia a ofrálann na págánaigh a gcuid íobairtí, níor mhaith liom go mbeadh aon pháirt agaibhse leis na deamhain sin.

[21] Não podeis beber o cálice do SENHOR e o cálice dos demônios; não podeis ser participantes da mesa do SENHOR e da mesa dos demônios.

[21]Ní féidir daoibh cupa an Tiarna a ól agus cupa na ndeamhan a ól chomh maith. Ní féidir daoibh suí chun bord an Tiarna agus suí chun bord na ndeamhan chomh maith.

[22] Ou provocaremos zelos no SENHOR? Somos, acaso, mais fortes do que ele?

[22]An ag griogadh an Tiarna chun éada atáimid? Nó an amhlaidh is treise sinn ná é?

Os limites da liberdade cristã

[23] Todas as coisas são lícitas, mas nem todas convêm; todas são lícitas, mas nem todas edificam.

[23]“Tá gach ní ceadaithe.” Tá, ach ní hé gach ní a théann chun sochair. Tá gach ní ceadaithe ach níl gach ní fóinteach.

[24] Ninguém busque o seu próprio interesse, e sim o de outrem.

[24]Ná bíodh aon duine ar mhaithe leis féin ach ar mhaithe lena chomharsa.

[25] Comei de tudo o que se vende no mercado, sem nada perguntardes por motivo de consciência;

[25]Aon ní a bhíonn á dhíol ar an margadh, ithigí é gan ceist ó thaobh coinsiasa

[26] porque do SENHOR é a terra e a sua plenitude.

[26]mar “is le Dia an domhan agus a bhfuil ann”.

[27] Se algum dentre os incrédulos vos convidar, e quiserdes ir, comei de tudo o que for posto diante de vós, sem nada perguntardes por motivo de consciência.

[27]Agus má thugann neamhchreidmheach cuireadh chun dinnéir daoibh agus gurb áil libh dul ann, gach a gcuirtear os bhur gcomhair ithigí é gan ceist ó thaobh coinsiasa.

[28] Porém, se alguém vos disser: Isto é coisa sacrificada a ídolo, não comais, por causa

[28]Má deir duine éigin libh áfach: “Is bia íobartha é seo,” ná caithígí an bia sin, ar

daquele que vos advertiu e por causa da consciência;

[29] consciência, digo, não a tua propriamente, mas a do outro. Pois por que há de ser julgada a minha liberdade pela consciência alheia?

[30] Se eu participo com ações de graças, por que hei de ser vituperado por causa daquilo por que dou graças?

[31] Portanto, quer comais, quer bebais ou façais outra coisa qualquer, fazei tudo para a glória de Deus.

[32] Não vos torneis causa de tropeço nem para judeus, nem para gentios, nem tampouco para a igreja de Deus,

[33] assim como também eu procuro, em tudo, ser agradável a todos, não buscando o meu próprio interesse, mas o de muitos, para que sejam salvos.

1 Coríntios 11

[1] Sede meus imitadores, como também eu sou de Cristo.

O véu e seu uso na igreja de Corinto

[2] De fato, eu vos louvo porque, em tudo, vos lembrais de mim e retendes as tradições assim como vo-las entreguei.

[3] Quero, entretanto, que saibais ser Cristo o cabeça de todo homem, e o homem, o cabeça da mulher, e Deus, o cabeça de Cristo.

[4] Todo homem que ora ou profetiza, tendo a cabeça coberta, desonra a sua própria cabeça.

mhaithe leis an té a chuir in iúl daoibh é agus ar mhaithe leis an gcoinsias -

[29]ní hé do choinsias féin atá i gceist agam ach coinsias an fhir thall. Cén fáth a mbeadh mo shaoirse-sé á meas de réir choinsias duine eile?

[30]Má chaithimse mo chuid go buíoch cén fáth a gcáinfí mé mar gheall ar bhia a altaím?

[31] Dá bhrí sin cibé acu dhéanann sibh ithe nó ól nó ní ar bith eile, déanaigí an t-iomlán chun glóire Dé. Ná cuirigí as do Ghiúdaigh ná do Ghréagaigh ná d'eaglais Dé.

[32] Sin é mo dhála-sa: bím ag iarraidh gach duine a shásamh i ngach slí gan aon tóir agam ar mo leas féin ach ar leas an tslua le hionchas go slánofaí iad.

1 Corantaigh 11

[1]Déanaigíse aithris ormsa mar a dhéanaimse aithris ar Chríost.

Ceannbheart na mBan

[2]Molaim sibh as bheith ag cuimhneamh orm i gcónaí agus as bheith ag cloí leis na traidisiúin a thaobhaigh mé libh.

[3]Ba mhaith liom go dtuigfeadh sibh, áfach, go bhfuil Críost ina cheann ar gach fear, go bhfuil an fear ina cheann ar a bhean agus go bhfuil Dia ina cheann ar Chríost.

[4]Aon fhear a dhéanann urnaí nó a thugann tairngreacht agus a cheann clúdaithe aige, tugann sé náire don té is ceann air.

[5] Toda mulher, porém, que ora ou profetiza com a cabeça sem véu desonra a sua própria cabeça, porque é como se a tivesse rapada.

[6] Portanto, se a mulher não usa véu, nesse caso, que rape o cabelo. Mas, se lhe é vergonhoso o tosquiar-se ou rapar-se, cumpre-lhe usar véu.

[7] Porque, na verdade, o homem não deve cobrir a cabeça, por ser ele imagem e glória de Deus, mas a mulher é glória do homem.

[8] Porque o homem não foi feito da mulher, e sim a mulher, do homem.

[9] Porque também o homem não foi criado por causa da mulher, e sim a mulher, por causa do homem.

[10] Portanto, deve a mulher, por causa dos anjos, trazer véu na cabeça, como sinal de autoridade.

[11] No SENHOR, todavia, nem a mulher é independente do homem, nem o homem, independente da mulher.

[12] Porque, como provém a mulher do homem, assim também o homem é nascido da mulher; e tudo vem de Deus.

[13] Julgai entre vós mesmos: é próprio que a mulher ore a Deus sem trazer o véu?

[14] Ou não vos ensina a própria natureza ser desonroso para o homem usar cabelo comprido?

[15] E que, tratando-se da mulher, é para ela uma glória? Pois o cabelo lhe foi dado em lugar de mantilha.

[5]Aon bhean, áfach, a dhéanann urnaí nó a thugann tairngreacht agus í ceann-nochta, tugann sí náire don té is ceann uirthi; is cuma é agus a ceann a bheith bearrtha.

[6]Mar mura gclúdaíonn bean a ceann, déantar í a bhearradh. Agus ós cúis aithise do bhean a ceann a bhearradh nó a folt a ghearradh, clúdaíodh sí a ceann.

[7]Ní gá d'fhear a cheann a chlúdach mar is íomhá agus [macasamhail] Dé é; ach is [macasamhail] den fhear an bhean;

[8]mar ní ón mbean a tháinig an fear ach is ón bhfear a tháinig an bhean.

[9]Agus ní ar mhaithe leis an mbean a cruthaíodh an fear: is ar mhaithe leis an bhfear a cruthaíodh an bhean.

[10]Dá réir sin ní miste don bhean comhartha an smachta a bheith ar a ceann aici mar gheall ar na haingil.

[11]Ina dhiaidh sin agus uile níl an bhean neamhspleách leis an bhfear ná an fear neamhspleách leis an mbean sa Tiarna;

[12]faoi mar a tháinig an bhean ón bhfear ar dtús, is ón mbean a shaolaítear an fear agus is ó Dhia a thagann an uile ní.

[13]Fágaim faoi bhur mbreith féin an scéal; an cuí do bhean bheith ag guí chun Dé agus gan aon ní ar a ceann aici?

[14]Nach é a mhúineann an nádúr féin dúinn gur cúis aithise d'fhear a chuid gruaige a bheith fada aige

[15]ach gur barr maise do bhean a cuid gruaige a bheith amhlaidh? Go deimhin is mar chumhdach a tugadh an folt di.

[16] Contudo, se alguém quer ser contencioso, saiba que nós não temos tal costume, nem as igrejas de Deus.

Instrução quanto à celebração da Ceia do Senhor

[17] Nisto, porém, que vos prescrevo, não vos louvo, porquanto vos ajuntais não para melhor, e sim para pior.

[18] Porque, antes de tudo, estou informado haver divisões entre vós quando vos reunis na igreja; e eu, em parte, o creio.

[19] Porque até mesmo importa que haja partidos entre vós, para que também os aprovados se tornem conhecidos em vosso meio.

[20] Quando, pois, vos reunis no mesmo lugar, não é a ceia do SENHOR que comeis.

[21] Porque, ao comerdes, cada um toma, antecipadamente, a sua própria ceia; e há quem tenha fome, ao passo que há também quem se embriague.

[22] Não tendes, porventura, casas onde comer e beber? Ou menosprezais a igreja de Deus e envergonhais os que nada têm? Que vos direi? Louvar-vos-ei? Nisto, certamente, não vos louvo.

[23] Porque eu recebi do SENHOR o que também vos entreguei: que o SENHOR Jesus, na noite em que foi traído, tomou o pão;

[16]Ach má tá fonn aighnis ar aon duine faoin scéal, níl a mhalairt de nós againne ná ag eaglaisí Dé.

Mí-iompar ag Séire an Tiarna

[17]Sa treoir seo atáim a thabhairt daoibh níl aon mholadh le déanamh agam oraibh mar nach fearrde sibh bhur dteacht le chéile ach gur measaide sibh é.

[18]Ar an gcéad dul síos cloisim go mbíonn easaontas eadraibh nuair a thagann sibh le chéile mar eaglais, rud a chreidim cuid mhaith.

[19]Caithfidh aicmí a bheith oraibh gan dabht chun go n-aithneofaí cé hiad na daoine fiúntacha oraibh.

[20]Ach nuair a thagann sibh i gceann a chéile mar sin ní ag caitheamh séire an Tiarna é,

[21]mar is amhlaidh a thosaíonn gach duine ar a shéire féin a chaitheamh roimh an gcuid eile, agus bíonn ocras ar dhuine amháin agus duine eile ar meisce.

[22]Nach bhfuil tithe de bhur gcuid féin agaibh chun bheith ag ithe agus ag ól iontu? Nó an é is áil libh eaglais Dé a dhíspeagadh agus na boicht a náiriú? Cad a déarfaidh mé libh mar sin? Sibh a mholadh dá bharr, an ea? Go deimhin ní mholfaidh mé.

Bunú na hEocairiste

[23]Is é fios a fuair mé féin ón Tiarna agus a thug mé daoibhse: mar atá, an oíche a bhí an Tiarna Íosa le tabhairt ar láimh, thóg sé arán

[24] e, tendo dado graças, o partiu e disse: Isto é o meu corpo, que é dado por vós; fazei isto em memória de mim.

[25] Por semelhante modo, depois de haver ceado, tomou também o cálice, dizendo: Este cálice é a nova aliança no meu sangue; fazei isto, todas as vezes que o beberdes, em memória de mim.

[26] Porque, todas as vezes que comerdes este pão e beberdes o cálice, anunciais a morte do SENHOR, até que ele venha.

[27] Por isso, aquele que comer o pão ou beber o cálice do SENHOR, indignamente, será réu do corpo e do sangue do SENHOR.

[28] Examine-se, pois, o homem a si mesmo, e, assim, coma do pão, e beba do cálice;

[29] pois quem come e bebe sem discernir o corpo, come e bebe juízo para si.

[30] Eis a razão por que há entre vós muitos fracos e doentes e não poucos que dormem.

[31] Porque, se nos julgássemos a nós mesmos, não seríamos julgados.

[32] Mas, quando julgados, somos disciplinados pelo SENHOR, para não sermos condenados com o mundo.

[33] Assim, pois, irmãos meus, quando vos reunis para comer, esperai uns pelos outros.

[34] Se alguém tem fome, coma em casa, a fim de não vos reunirdes para juízo.

[24]agus, ar altú dó, bhris agus dúirt: “Is é seo mo chorp atá le tabhairt suas ar bhur son; déanaigí é seo mar chuimhne orm.”

[25]Mar an gcéanna tar éis na proinne thóg sé an cupa ag rá: “Is é an cupa seo an nuachonradh i mo chuid fola. Déanaigí é seo mar chuimhne orm a mhinice a ólfaidh sibh é.”

[26]A mhinice, más ea, a itheann sibh an t-arán seo agus a ólann sibh an cupa, bíonn sibh ag fógairt bhás an Tiarna nó go dtiocfaidh sé.

[27]Dá chionn sin, duine ar bith a chaitheann an t-arán nó a ólann cupa an Tiarna go míchuí beidh sé ciontach i gcorp agus i bhfuil an Tiarna.

[28]Déanadh duine é féin a scrúdú mar sin sula gcaitheann sé an t-arán agus sula n-ólann sé as an gcupa,

[29]mar an té a itheann agus a ólann gan corp an Tiarna a aithint, is é a dhaoradh féin a itheann agus a ólann sé.

[30]Sin é an fáth a bhfuil an oiread sin agaibh tinn agus lag agus cuid mhaith agaibh tar éis bháis.

[31]Dá mbreithneoimis sinn féin ní bheadh breith á tabhairt orainn.

[32]Ach nuair a thugann Dia breith orainn is dár gceartú a bhíonn sé i dtreo nach ndaorfaí sinn mar aon leis an saol.

[33]Dá bhrí sin, a bhráithre, nuair a thagann sibh le chéile chun bia a chaitheamh, fanaigí lena chéile.

[34]Má bhíonn ocras ar dhuine ar bith, itheadh sé a chuid sa bhaile sa tslí nach do

Quanto às demais coisas, eu as ordenarei quando for ter convosco.

bhur ndaoradh a thiocfaidh sibh le chéile. Socróidh mé na cúrsaí eile nuair a thiocfaidh mé.

1 Coríntios 12

Acerca de dons espirituais

[1] A respeito dos dons espirituais, não quero, irmãos, que sejais ignorantes.

[2] Sabeis que, outrora, quando éreis gentios, deixáveis conduzir-vos aos ídolos mudos, segundo éreis guiados.

[3] Por isso, vos faço compreender que ninguém que fala pelo Espírito de Deus afirma: Anátema, Jesus! Por outro lado, ninguém pode dizer: SENHOR Jesus!, senão pelo Espírito Santo.

[4] Ora, os dons são diversos, mas o Espírito é o mesmo.

[5] E também há diversidade nos serviços, mas o SENHOR é o mesmo.

[6] E há diversidade nas realizações, mas o mesmo Deus é quem opera tudo em todos.

[7] A manifestação do Espírito é concedida a cada um visando a um fim proveitoso.

[8] Porque a um é dada, mediante o Espírito, a palavra da sabedoria; e a outro, segundo o mesmo Espírito, a palavra do conhecimento;

[9] a outro, no mesmo Espírito, a fé; e a outro, no mesmo Espírito, dons de curar;

1 Corantaigh 12

Tíolacthaí an Spioraid

[1]Maidir le tíolacthaí an Spioraid, níor mhaith liom, a bhráithre, go mbeadh aon aineolas oraibh ina dtaobh.

[2]Tá a fhios agaibh fad a bhí sibh in bhur bpágánaigh go mbíodh sibh do bhur seoladh ar mearbhall i ndiaidh na n-íol balbh.

[3]Sin é an fáth a bhfuilim á thabhairt le fios daoibh nach féidir d'aon duine “Mallacht ar Íosa” a rá agus é ag labhairt faoi anáil Spioraid Dé agus nach féidir d'aon duine ach oiread “Is é Íosa an Tiarna” a rá ach amháin faoi anáil an Spioraid Naoimh.

[4]Tá tíolacthaí difriúla ann ach an t-aon Spiorad amháin;

[5]tá feidhmeannais difriúla ann ach an t-aon Tiarna amháin;

[6]agus tá oibreacha difriúla ann ach is é an Dia céanna a bhíonn á n-oibriú go léir in gach ceann riamh acu.

[7]An léiriú a dhéantar ar an Spiorad in gach duine ar leith, is chun tairbhe an phobail mhóir é.

[8]Mar shampla faigheann duine amháin labhairt go heagnaí ón Spiorad agus faigheann duine eile labhairt go feasach ón Spiorad céanna.

[9]Faigheann duine eile creideamh tríd an Spiorad céanna, agus duine eile buanna leighis tríd an aon Spiorad.

[10] a outro, operações de milagres; a outro, profecia; a outro, discernimento de espíritos; a um, variedade de línguas; e a outro, capacidade para interpretá-las.

[11] Mas um só e o mesmo Espírito realiza todas estas coisas, distribuindo-as, como lhe apraz, a cada um, individualmente.

A unidade orgânica da igreja

[12] Porque, assim como o corpo é um e tem muitos membros, e todos os membros, sendo muitos, constituem um só corpo, assim também com respeito a Cristo.

[13] Pois, em um só Espírito, todos nós fomos batizados em um corpo, quer judeus, quer gregos, quer escravos, quer livres. E a todos nós foi dado beber de um só Espírito.

[14] Porque também o corpo não é um só membro, mas muitos.

[15] Se disser o pé: Porque não sou mão, não sou do corpo; nem por isso deixa de ser do corpo.

[16] Se o ouvido disser: Porque não sou olho, não sou do corpo; nem por isso deixa de o ser.

[17] Se todo o corpo fosse olho, onde estaria o ouvido? Se todo fosse ouvido, onde, o olfato?

[18] Mas Deus dispôs os membros, colocando cada um deles no corpo, como lhe aprouve.

[10]Faigheann duine eile cumas míorúiltí agus duine eile fós bua na tairngreachta agus duine eile arís na spioraid a aithint ó chéile. Bíonn teangacha éagsúla ag duine amháin agus míniú teangacha ag duine eile.

[11]Ach is é an Spiorad ceanann céanna a bhíonn ag oibriú sna tíolacthaí seo uile agus é ag dáil ar gach duine faoi leith de réir mar is áil leis féin.

Baill den aon Chorp

[12]Is aonad an corp agus mórán ball ann, ach dá líonmhaire iad na baill ní dhéanann siad uile ach aon chorp amháin. Is é an dála céanna ag Críost é:

[13]mar cibé acu Giúdaigh nó Gréagaigh sinn, saor nó daor, baisteadh an uile dhuine againn leis an aon Spiorad amháin, isteach san aon chorp amháin agus as an aon Spiorad amháin tugadh deoch le hól dúinn.

[14]Ní aon bhall amháin atá sa chorp ach mórán ball.

[15]Má deir an chos: “Toisc nach lámh mé, ní bhainimse leis an gcorp,” ní fhágann sin nach cuid den chorp í.

[16]Nó má deir an chluas: “Toisc nach súil mé, ní bhainimse leis an gcorp,” ní fhágann sin nach cuid den chorp í.

[17]Dá mba shúil an corp iomlán, cá mbeadh an éisteacht? Nó dá mba éisteacht an t-iomlán cá mbeadh an boladh?

[18]Faoi mar atá, áfach, shocraigh Dia gach ball ar leith de na baill bheatha sa chorp de réir mar ab áil leis féin é.

[19] Se todos, porém, fossem um só membro, onde estaria o corpo?

[20] O certo é que há muitos membros, mas um só corpo.

[21] Não podem os olhos dizer à mão: Não precisamos de ti; nem ainda a cabeça, aos pés: Não preciso de vós.

[22] Pelo contrário, os membros do corpo que parecem ser mais fracos são necessários;

[23] e os que nos parecem menos dignos no corpo, a estes damos muito maior honra; também os que em nós não são decorosos revestimos de especial honra.

[24] Mas os nossos membros nobres não têm necessidade disso. Contudo, Deus coordenou o corpo, concedendo muito mais honra àquilo que menos tinha,

[25] para que não haja divisão no corpo; pelo contrário, cooperem os membros, com igual cuidado, em favor uns dos outros.

[26] De maneira que, se um membro sofre, todos sofrem com ele; e, se um deles é honrado, com ele todos se regozijam.

[27] Ora, vós sois corpo de Cristo; e, individualmente, membros desse corpo.

[28] A uns estabeleceu Deus na igreja, primeiramente, apóstolos; em segundo lugar, profetas; em terceiro lugar, mestres; depois, operadores de milagres; depois, dons de curar, socorros, governos, variedades de línguas.

[19]Dá mba aon bhall amháin an t-iomlán acu, cá mbeadh an corp?

[20]Is amhlaidh mar atá an scéal, áfach: tá mórán ball ann agus aon chorp amháin.

[21]Más ea, ní féidir don tsúil a rá leis an láimh: Níl aon ghnó agam díotsa”; ná ní féidir don cheann a rá leis na cosa: “Níl aon ghnó agam díbhse.”

[22]Ní hea, ach na baill a bhfuil an chuma is leochailí orthu, is iad is riachtanach.

[23]Agus na baill den chorp is lú gradam linn, is iad is onóraí a chóirímid; agus na baill is lú maise atá againn is iad is cuibhiúla a mhaisítear,

[24]rud nach gá a dhéanamh dár mbaill mhaisiúla. Chuir Dia an corp le chéile sa tslí gur thug sé breis den ghradam don bhall a bhí á cheal,

[25]ar shlí nach mbeadh aon deighilt sa chorp ach go mbeadh na baill ag déanamh an chúraim chéanna dá chéile.

[26]Dá chionn sin, má bhíonn tinneas ar bhall amháin bíonn na baill go léir i gcomhphian leis, agus má bhíonn ball faoi mheas, bíonn na baill go léir ag déanamh comhghairdis leis.

[27]Is sibhse corp Chríost agus is ball dá chuid gach duine ar leith agaibh.

[28]San eaglais tá daoine áirithe ceaptha ag Dia ina n-aspail sa chéad áit; sa dara háit tá na fáithe; sa tríú háit tá na múinteoirí; ansin tá lucht míorúiltí agus ina ndiaidh sin tá lucht leighis, lucht freastail, lucht stiúrtha, agus lucht teangacha éagsúla.

[29] Porventura, são todos apóstolos? Ou, todos profetas? São todos mestres? Ou, operadores de milagres?

[30] Têm todos dons de curar? Falam todos em outras línguas? Interpretam-nas todos?

[31] Entretanto, procurai, com zelo, os melhores dons.

O amor é o dom supremo

E eu passo a mostrar-vos ainda um caminho sobremodo excelente.

[29]An aspail sibh uile? An fáithe sibh uile? An múinteoirí sibh uile? An bhfuil cumas míorúiltí agaibh uile?

[30]An bhfuil buanna leighis agaibh uile? An bhfuil labhairt i dteangacha agaibh uile? An bhfuil míniú teangacha agaibh uile?

An Grá

[31]Is ar na tíolacthaí is tábhachtaí ba cheart tóir a bheith agaibh agus táimse chun ríbhealach a thaispeáint daoibh.

1 Coríntios 13

[1] Ainda que eu fale as línguas dos homens e dos anjos, se não tiver amor, serei como o bronze que soa ou como o címbalo que retine.

[2] Ainda que eu tenha o dom de profetizar e conheça todos os mistérios e toda a ciência; ainda que eu tenha tamanha fé, a ponto de transportar montes, se não tiver amor, nada serei.

[3] E ainda que eu distribua todos os meus bens entre os pobres e ainda que entregue o meu próprio corpo para ser queimado, se não tiver amor, nada disso me aproveitará.

[4] O amor é paciente, é benigno; o amor não arde em ciúmes, não se ufana, não se ensoberbece,

[5] não se conduz inconvenientemente, não procura os seus interesses, não se exaspera, não se ressente do mal;

[6] não se alegra com a injustiça, mas regozija-se com a verdade;

1 Corantaigh 13

[1]Má labhraím i dteangacha daoine agus aingeal ach gan aon ghrá a bheith agam, níl ionam ach mar a bheadh prás ag fuaimneach nó ciombail ag clingeadh.

[2]Má tá bua fáidheoireachta agam, eolas ar gach rúndiamhair agus fios gach ní agam agus oiread lánchreidimh agam agus a d'aistreodh na sléibhte ach gan aon ghrá a bheith agam, is neamhní mé.

[3]Má roinnim amach mo mhaoin shaolta go léir, agus má thugaim suas mo chorp le dó ach gan aon ghrá a bheith agam, ní aon tairbhe dom é.

[4]Bíonn an grá foighneach agus bíonn sé lách; ní bhíonn éad air; ní dhéanann sé maíomh

[5]ná mórtas; ní bhíonn sé mímhúinte ná leithleasach, míchéadfach ná agrach.

[6]Ní áil leis an éagóir ach is aoibhinn leis an mhaith.

[7] tudo sofre, tudo crê, tudo espera, tudo suporta.

[8] O amor jamais acaba; mas, havendo profecias, desaparecerão; havendo línguas, cessarão; havendo ciência, passará;

[9] porque, em parte, conhecemos e, em parte, profetizamos.

[10] Quando, porém, vier o que é perfeito, então, o que é em parte será aniquilado.

[11] Quando eu era menino, falava como menino, sentia como menino, pensava como menino; quando cheguei a ser homem, desisti das coisas próprias de menino.

[12] Porque, agora, vemos como em espelho, obscuramente; então, veremos face a face. Agora, conheço em parte; então, conhecerei como também sou conhecido.

[13] Agora, pois, permanecem a fé, a esperança e o amor, estes três; porém o maior destes é o amor.

1 Coríntios 14

O dom de profecia é superior ao de línguas

[1] Segui o amor e procurai, com zelo, os dons espirituais, mas principalmente que profetizeis.

[2] Pois quem fala em outra língua não fala a homens, senão a Deus, visto que ninguém o entende, e em espírito fala mistérios.

[7]Bíonn sé lán d'fhadfhulaingt, lán de chreideamh, lán de dhóchas agus lán d'fhoighne.

[8]Rachaidh an fháidheoireacht ar ceal, rachaidh na teangacha dá dtost, agus rachaidh an t-eolas ar neamhní, ach ní rachaidh an grá i léig go deo.

[9]Mar tá ár gcuid eolais easnamhach agus tá ár bhfáidheoireacht easnamhach;

[10]agus nuair a thiocfaidh ann an rud foirfe, rachaidh an rud easnamhach ar neamhní.

[11]Fad a bhí mé i mo leanbh, bhí caint agus meon agus réasún an linbh agam, ach ar m'éirí suas i m'fhear dom, d'fhág mé bealaí an linbh i mo dhiaidh.

[12]Faoi láthair ní fheicimid ach mar a bheadh scáil go doiléir i scáthán ach ar ball gheobhaimid radharc aghaidh ar aghaidh air. Níl ach breaceolas agam faoi láthair ach beidh eolas iomlán agam ar ball, chomh hiomlán leis an eolas atá orm.

[13]Tá trí nithe ann atá buan, más ea, creideamh dóchas agus grá, ach is é an grá an ní is mó orthusan.

1 Corantaigh 14

Is Tábhachtaí Fáistine ná Teangacha

[1]Saothraígí an grá mar sin ach bíodh dúil agaibh sna tíolacthaí spioradálta chomh maith agus go mór mór san fháidheoireacht.

[2]Mar an té a labhraíonn i dteanga, ní le daoine a bhíonn sé ag labhairt ach le Dia, mar nach dtuigeann duine ar bith é ach é

ag trácht faoi anáil an Spioraid ar nithe rúnda.

3 Mas o que profetiza fala aos homens, edificando, exortando e consolando.

3An té a thugann tairngreacht, áfach, is ag labhairt le daoine a bhíonn sé, á neartú, á spreagadh agus á misniú.

4 O que fala em outra língua a si mesmo se edifica, mas o que profetiza edifica a igreja.

4An té a labhraíonn i dteanga is leis féin amháin a threisíonn sé, ach an té a thugann tairngreacht bíonn sé ag treisiú leis an eaglais.

5 Eu quisera que vós todos falásseis em outras línguas; muito mais, porém, que profetizásseis; pois quem profetiza é superior ao que fala em outras línguas, salvo se as interpretar, para que a igreja receba edificação.

5Ba mhaith liom sibh go léir a bheith ag labhairt i dteangacha, ach b'fhearr liom go dtabharfadh sibh tairngreacht, mar is éifeachtaí an fáidh ná fear na dteangacha a labhairt mura ndéanann duine éigin a chuid cainte sin a mhíniú d'fhonn treisiú leis an eaglais.

6 Agora, porém, irmãos, se eu for ter convosco falando em outras línguas, em que vos aproveitarei, se vos não falar por meio de revelação, ou de ciência, ou de profecia, ou de doutrina?

6Cuirim i gcás, a bhráithre, go dtagaimse chugaibh ag labhairt i dteangacha, cén tairbhe daoibh mé mura mbíonn foilsiú éigin nó eolas nó tairngreacht nó teagasc éigin agam le tabhairt daoibh?

7 É assim que instrumentos inanimados, como a flauta ou a cítara, quando emitem sons, se não os derem bem distintos, como se reconhecerá o que se toca na flauta ou cítara?

7Na huirlisí ceoil féin, nithe neamhbheo ar nós na feadóige agus na cruite, mura mbíonn dealú idir na nótaí iontu, conas a aithneofar a mbeidh á sheinm orthu?

8 Pois também se a trombeta der som incerto, quem se preparará para a batalha?

8Agus má thugann an stoc uaidh glór éiginnte, cé a ullmhóidh é féin chun catha?

9 Assim, vós, se, com a língua, não disserdes palavra compreensível, como se entenderá o que dizeis? Porque estareis como se falásseis ao ar.

9Sibhse mar an gcéanna, mura labhraíonn sibh go soiléir sa teanga, conas a thuigfear a mbeidh á rá? Ag caint san aer a bheidh sibh.

[10] Há, sem dúvida, muitos tipos de vozes no mundo; nenhum deles, contudo, sem sentido.

[11] Se eu, pois, ignorar a significação da voz, serei estrangeiro para aquele que fala; e ele, estrangeiro para mim.

[12] Assim, também vós, visto que desejais dons espirituais, procurai progredir, para a edificação da igreja.

[13] Pelo que, o que fala em outra língua deve orar para que a possa interpretar.

[14] Porque, se eu orar em outra língua, o meu espírito ora de fato, mas a minha mente fica infrutífera.

[15] Que farei, pois? Orarei com o espírito, mas também orarei com a mente; cantarei com o espírito, mas também cantarei com a mente.

[16] E, se tu bendisseres apenas em espírito, como dirá o indouto o amém depois da tua ação de graças? Visto que não entende o que dizes;

[17] porque tu, de fato, dás bem as graças, mas o outro não é edificado.

[18] Dou graças a Deus, porque falo em outras línguas mais do que todos vós.

[19] Contudo, prefiro falar na igreja cinco palavras com o meu entendimento, para instruir outros, a falar dez mil palavras em outra língua.

Os dons em face dos visitantes na igreja

[10]Is iomaí sin teanga difriúil sa domhan agus gan aon cheann acu gan bhrí.

[11]Ach mura dtuigimse ciall na cainte beidh mé i mo choimhthíoch don chainteoir agus beidh an cainteoir ina choimhthíoch domsa.

[12]Sibhse mar an gcéanna: ó tá dúil agaibh i dtíolacthaí an Spioraid, bíodh tóir agaibh ar an tosaíocht a bheith agaibh ag treisiú leis an eaglais.

[13]An té a labhraíonn i dteanga, mar sin, bíodh sé ag guí go ndéanfaidh duine éigin a chaint a mhíniú.

[14]Má dhéanaimse guí i dteanga is é mo spiorad a bhíonn ag guí ach bíonn m'intleacht seasc.

[15]Cad atá le déanamh mar sin? Tá, go ndéanfaidh mé guí le mo spiorad ach go ndéanfaidh mé guí le m'intleacht chomh maith. Canfaidh mé le mo spiorad ach canfaidh mé le m'intleacht chomh maith.

[16]Más le do spiorad amháin a mholann tú conas a chuirfidh aon ghnáthdhuine “Amen” le d'altú nuair nach bhfuil a fhios aige cad atá tú a rá?

[17]Bíodh féin go bhfuil d'altú ar fheabhas, ní aon tairbhe den fhear thall é.

[18]A bhuí le Dia gur mó a labhraím féin i dteangacha ná duine ar bith agaibh,

[19]ach nuair a bhím in eaglais is fearr liom cúig fhocal a labhairt ó m'intleacht chun daoine eile a theagasc ná deich míle focal a labhairt i dteanga.

[20] Irmãos, não sejais meninos no juízo; na malícia, sim, sede crianças; quanto ao juízo, sede homens amadurecidos.

[21] Na lei está escrito: Falarei a este povo por homens de outras línguas e por lábios de outros povos, e nem assim me ouvirão, diz o SENHOR.

[22] De sorte que as línguas constituem um sinal não para os crentes, mas para os incrédulos; mas a profecia não é para os incrédulos, e sim para os que crêem.

[23] Se, pois, toda a igreja se reunir no mesmo lugar, e todos se puserem a falar em outras línguas, no caso de entrarem indoutos ou incrédulos, não dirão, porventura, que estais loucos?

[24] Porém, se todos profetizarem, e entrar algum incrédulo ou indouto, é ele por todos convencido e por todos julgado;

[25] tornam-se-lhe manifestos os segredos do coração, e, assim, prostrando-se com a face em terra, adorará a Deus, testemunhando que Deus está, de fato, no meio de vós.

A necessidade de ordem no culto

[26] Que fazer, pois, irmãos? Quando vos reunis, um tem salmo, outro, doutrina, este traz revelação, aquele, outra língua, e ainda outro, interpretação. Seja tudo feito para edificação.

[20]A bhráithre, ná bígí leanbaí in bhur meon; sea, bígí ar nós an linbh ó thaobh na hurchóide, ach bígí fásta suas ó thaobh an mheoin de.

[21]Tá scríofa sa dlí: “Labhróidh mé leis an bpobal seo,” arsa an Tiarna, “trí bhéal na n-allúrach agus trí bheola na n-eachtrannach, ach ní éisteoidh siad liom ar a shon sin.”

[22]Dá réir sin is comhartha na teangacha, ní do na creidmhigh ach do na díchreidmhigh; ach is do na creidmhigh is comhartha an fháidheoireacht agus ní do na díchreidmhigh.

[23]Cuirim i gcás má bhíonn an eaglais cruinnithe i gceann a chéile agus iad go léir ag labhairt i dteangacha agus go dtagann tuataí nó díchreidmhigh isteach, nach é a déarfaidh siad gur as bhur meabhair atá sibh?

[24]Más ag tabhairt tairngreachta a bhíonn siad go léir, áfach, agus díchreidmheach nó tuata a theacht isteach, is amhlaidh a bheidh sé á chiontú ag gach duine agus á mheas ag gach duine.

[25]Nochtfar rúin a chroí agus caithfidh sé é féin ar a bhéal ag déanamh ómóis do Dhia agus ag fógairt go bhfuil Dia in bhur measc dáiríre.

Ord agus Eagar ag na Cruinnithe

[26]Cad atá le déanamh mar sin, a bhráithre? Tá, nuair a thagann sibh i gceann a chéile bíonn ag gach duine salm nó teagasc nó foilsiú nó caint i dteanga nó

míniú ar an gcaint sin; ach bíodh gach ní acu ag treisiú leis an gcomhluadar.

[27] No caso de alguém falar em outra língua, que não sejam mais do que dois ou quando muito três, e isto sucessivamente, e haja quem interprete.

[27]Má dhéantar caint i dteanga, ná labhraíodh ach beirt nó triúr ar a mhéad, gach duine acu ar a sheal féin agus bíodh duine amháin ag míniú na cainte.

[28] Mas, não havendo intérprete, fique calado na igreja, falando consigo mesmo e com Deus.

[28]Más rud é nach mbíonn aon duine ann a mhíneodh an chaint, fanadh gach duine ina thost san eaglais agus bíodh an chaint idir é féin agus Dia.

[29] Tratando-se de profetas, falem apenas dois ou três, e os outros julguem.

[29]Maidir leis na fáithe, ná labhraíodh thar beirt nó triúr agus déanadh an chuid eile a gcaint a mheas.

[30] Se, porém, vier revelação a outrem que esteja assentado, cale-se o primeiro.

[30]Ach má fhaigheann duine eile foilsiú agus é ina shuí, bíodh an chéad duine ina thost;

[31] Porque todos podereis profetizar, um após outro, para todos aprenderem e serem consolados.

[31]mar tá cead fáidheoireachta agaibh go léir, ach é a dhéanamh duine ar dhuine ar shlí go mbeidh sibh go léir ag foghlaim agus ag fáil spreagadh.

[32] Os espíritos dos profetas estão sujeitos aos próprios profetas;

[32]Tá tíolacthaí spioradálta na bhfáithe faoi stiúir na bhfáithe féin,

[33] porque Deus não é de confusão, e sim de paz. Como em todas as igrejas dos santos,

[33]mar ní Dia an imris é Dia ach Dia na síochána. Mar is gnách in eaglaisí uile na naomh,

[34] conservem-se as mulheres caladas nas igrejas, porque não lhes é permitido falar; mas estejam submissas como também a lei o determina.

[34]fanadh na mná ina dtost sna heaglaisí. Níl aon chead labhartha acu ach iad a bheith faoi smacht mar a deirtear sa dlí.

[35] Se, porém, querem aprender alguma coisa, interroguem, em casa, a seu próprio marido; porque para a mulher é vergonhoso falar na igreja.

[35]Más áil leo fios aon ní a fháil, cuiridís ceist ar a bhfear sa bhaile, mar is náireach an mhaise do bhean labhairt in eaglais.

[36] Porventura, a palavra de Deus se originou no meio de vós ou veio ela exclusivamente para vós outros?

[37] Se alguém se considera profeta ou espiritual, reconheça ser mandamento do SENHOR o que vos escrevo.

[38] E, se alguém o ignorar, será ignorado.

[39] Portanto, meus irmãos, procurai com zelo o dom de profetizar e não proibais o falar em outras línguas.

[40] Tudo, porém, seja feito com decência e ordem.

1 Coríntios 15

A ressurreição de Cristo, penhor da nossa ressurreição

[1] Irmãos, venho lembrar-vos o evangelho que vos anunciei, o qual recebestes e no qual ainda perseverais;

[2] por ele também sois salvos, se retiverdes a palavra tal como vo-la preguei, a menos que tenhais crido em vão.

[3] Antes de tudo, vos entreguei o que também recebi: que Cristo morreu pelos nossos pecados, segundo as Escrituras,

[4] e que foi sepultado e ressuscitou ao terceiro dia, segundo as Escrituras.

[5] E apareceu a Cefas e, depois, aos doze.

[36]An amach uaibhse a tháinig briathar Dé? nó an chugaibhse amháin a tháinig sé?

[37]Más dóigh le haon duine gur fáidh nó duine spioradálta é féin, tuigeadh sé gur aithne ón Tiarna na nithe atá á scríobh agam.

[38]Má bhíonn duine ainbhiosach, beifear ainbhiosach air.

[39]Bíodh dúil agaibh san fháidheoireacht, dá bhrí sin, a bhráithre, agus ná coiscigí labhairt i dteangacha.

[40]Ach déantar gach ní go cuí agus de réir oird.

1 Corantaigh 15

Aiséirí Chríost

[1]Ba mhaith liom a mheabhrú anois daoibh, a bhráithre, an dea-scéal úd a d'fhógair mé daoibh agus ar ghlac sibhse leis agus a bhfuil sibh suite go daingean de.

[2]Is ann chomh maith atá bhur slánú le fáil má chloíonn sibh go dlúth leis an teagasc mar a thug mise daoibh é - ach mura in aisce a chreid sibh.

[3]Thug mé daoibh mar chéad nithe an teagasc a bhí faighte agam féin: go bhfuair Críost bás in éiric ár bpeacaí, de réir na scrioptúr;

[4]gur adhlacadh é agus gur éirigh sé an tríú lá de réir na scrioptúr;

[5]gur thaispeáin sé é féin do Chéafas agus ina dhiaidh sin don dáréag;

[6] Depois, foi visto por mais de quinhentos irmãos de uma só vez, dos quais a maioria sobrevive até agora; porém alguns já dormem.

[7] Depois, foi visto por Tiago, mais tarde, por todos os apóstolos

[8] e, afinal, depois de todos, foi visto também por mim, como por um nascido fora de tempo.

[9] Porque eu sou o menor dos apóstolos, que mesmo não sou digno de ser chamado apóstolo, pois persegui a igreja de Deus.

[10] Mas, pela graça de Deus, sou o que sou; e a sua graça, que me foi concedida, não se tornou vã; antes, trabalhei muito mais do que todos eles; todavia, não eu, mas a graça de Deus comigo.

[11] Portanto, seja eu ou sejam eles, assim pregamos e assim crestes.

[12] Ora, se é corrente pregar-se que Cristo ressuscitou dentre os mortos, como, pois, afirmam alguns dentre vós que não há ressurreição de mortos?

[13] E, se não há ressurreição de mortos, então, Cristo não ressuscitou.

[14] E, se Cristo não ressuscitou, é vã a nossa pregação, e vã, a vossa fé;

[15] e somos tidos por falsas testemunhas de Deus, porque temos asseverado contra Deus que ele ressuscitou a Cristo, ao qual

[6]gur thaispeáin sé é féin do bhreis agus cúig céad de na bráithre in éineacht a bhfuil a bhformhór ar marthain go fóill cé go bhfuil cuid acu ar shlí na fírinne.

[7]Ansin thaispeáin sé é féin do Shéamas agus ina dhiaidh sin do na haspail go léir.

[8]Agus i ndeireadh na dála thaispeáin sé é féin domsa faoi mar gur dhuine mé a rugadh in antráth.

[9]Mar is mise an duine is lú ar fad de na haspail - ní fiú mé go dtabharfaí aspal orm de bhrí go ndearna mé géarleanúint ar eaglais Dé.

[10]Ach le grásta Dé táim mar atáim agus ní díomhaoin a bhí a ghrásta i mo leith. Níorbh ea go deimhin mar is déine a shaothraigh mé ná aspal ar bith acu, siúd is nach mise faoi deara é ach grásta Dé a bhí ag obair liom.

[11]Ach is cuma idir mise agus iadsan, sin mar a fhógraímid agus sin mar a chreid sibhse.

Aiséirí na Marbh

[12]Ós é atá á fhógairt go bhfuil Críost éirithe ó mhairbh, cad a bheir do chuid agaibhse a rá nach bhfuil aiséirí na marbh ann ar chor ar bith?

[13]Mura bhfuil aiséirí na marbh ann níl Críost ach an oiread aiséirithe.

[14]Agus mura bhfuil Críost aiséirithe tá ár bhfógairt gan bhonn agus tá bhur gcreideamhsa gan bhonn mar an gcéanna.

[15]Agus níl ionainne ach finnéithe bréige ar Dhia de bhrí gur dhearbhaíomar ar Dhia gur thóg sé Críost ó mhairbh, rud nach

ele não ressuscitou, se é certo que os mortos não ressuscitam.

[16] Porque, se os mortos não ressuscitam, também Cristo não ressuscitou.

[17] E, se Cristo não ressuscitou, é vã a vossa fé, e ainda permaneceis nos vossos pecados.

[18] E ainda mais: os que dormiram em Cristo pereceram.

[19] Se a nossa esperança em Cristo se limita apenas a esta vida, somos os mais infelizes de todos os homens.

Cristo, as primícias dos que dormem

[20] Mas, de fato, Cristo ressuscitou dentre os mortos, sendo ele as primícias dos que dormem.

[21] Visto que a morte veio por um homem, também por um homem veio a ressurreição dos mortos.

[22] Porque, assim como, em Adão, todos morrem, assim também todos serão vivificados em Cristo.

[23] Cada um, porém, por sua própria ordem: Cristo, as primícias; depois, os que são de Cristo, na sua vinda.

[24] E, então, virá o fim, quando ele entregar o reino ao Deus e Pai, quando houver destruído todo principado, bem como toda potestade e poder.

[25] Porque convém que ele reine até que haja posto todos os inimigos debaixo dos pés.

[26] O último inimigo a ser destruído é a morte.

ndearna sé más fíor nach n-aiséiríonn na mairbh.

[16]Mar más rud é nach n-aiséiríonn na mairbh níl Críost aiséirithe ach chomh beag.

[17]Agus más rud é nach bhfuil Críost aiséirithe is baoth bhur gcreideamh agus tá sibh in bhur bpeacaí go fóill.

[18]Agus rud eile de, an mhuintir atá tar éis bháis i gCríost, tá deireadh leo.

[19]Más le haghaidh an tsaoil seo amháin atá ár ndóchas as Críost againn níl aon díol trua is mó ná sinn.

[20]Ach tá Críost dáiríre aiséirithe ó mhairbh, céadtoradh na muintire atá ina gcodladh.

[21]Faoi mar is duine amháin faoi deara an bás is duine amháin faoi deara aiséirí na marbh chomh maith.

[22]Faoi mar a fhaigheann gach duine bás in Ádhamh, aithbheofar gach duine chomh maith i gCríost.

[23]Beidh gach duine ina rang féin áfach; Críost an chéadtoradh; ansin nuair a fhillfidh sé aiséireoidh an mhuintir a bheidh i bpáirt le Críost;

[24]agus ansin beidh an deireadh ann nuair a thabharfaidh sé suas an ríocht do Dhia an tAthair, tar éis dó gach ceannas agus tiarnas agus cumhacht a chur ar neamhní.

[25]Mar ní foláir dó a bheith ina rí go dtí go mbeidh a naimhde go léir curtha faoi chois aige.

[26]Agus is é namhaid deireanach atá le cloí an bás.

[27] Porque todas as coisas sujeitou debaixo dos pés. E, quando diz que todas as coisas lhe estão sujeitas, certamente, exclui aquele que tudo lhe subordinou.
[28] Quando, porém, todas as coisas lhe estiverem sujeitas, então, o próprio Filho também se sujeitará àquele que todas as coisas lhe sujeitou, para que Deus seja tudo em todos.

A ressurreição em relação à vida prática

[29] Doutra maneira, que farão os que se batizam por causa dos mortos? Se, absolutamente, os mortos não ressuscitam, por que se batizam por causa deles?
[30] E por que também nós nos expomos a perigos a toda hora?
[31] Dia após dia, morro! Eu o protesto, irmãos, pela glória que tenho em vós outros, em Cristo Jesus, nosso SENHOR.
[32] Se, como homem, lutei em Éfeso com feras, que me aproveita isso? Se os mortos não ressuscitam, comamos e bebamos, que amanhã morreremos.
[33] Não vos enganeis: as más conversações corrompem os bons costumes.
[34] Tornai-vos à sobriedade, como é justo, e não pequeis; porque alguns ainda não têm conhecimento de Deus; isto digo para vergonha vossa.

Os ressuscitados terão corpo

[27]Óir “tá gach ní curtha faoi chois aige.” Ach nuair a deirtear “tá gach ní curtha faoina chois” is follas nach bhfuil an té a chuir gach ní faoina chois san áireamh.
[28]Nuair a bheidh gach ní faoina smacht, ansin rachaidh an Mac féin faoi réir an té a chuir gach ní faoi, sa tslí go mba é Dia gach ní don uile ní.
[29]Rud eile de, cén fheidhm a bhíonn leo siúd a bhaistear thar ceann na marbh? Más rud é nach n-aiséiríonn na mairbh ar chor ar bith, cad chuige a mbaistear thar a gceann iad?
[30]Agus cad chuige a dtéimidne i mbaol gach uair den lá?
[31]Chomh cinnte agus atá brod orm asaibhse i gCríost Íosa ár dTiarna, a bhráithre, níl lá de mo shaol nach dtéimse i mbaol mo bháis.
[32]Mura mbeadh agam ach aidhmeanna daonna nuair a chuaigh mé ag troid le beithígh allta in Eifeasas, cad é an tairbhe dom é? Más rud é nach n-aiséiríonn na mairbh “bímis ag ithe agus ag ól mar go mbeidh an bás amárach againn.”
[33]Ná bíodh aon dul amú oraibh: “milleann drochchomhluadar dea-bhéasa.”
[34]Craithigí suas i gceart anois sibh féin agus éirígí as an bpeaca, mar tá cuid agaibh gan aithne ar Dhia. Is chun náire a chur oraibh atáim á rá.

An Cholainn Aiséirithe

[35] Mas alguém dirá: Como ressuscitam os mortos? E em que corpo vêm?

[35]Fiafróidh duine éigin: “Conas a aiséireoidh na mairbh? Cén sórt coirp a bheidh acu ag teacht?”

[36] Insensato! O que semeias não nasce, se primeiro não morrer;

[36]A dhuine gan chiall, an síol a chuireann tú sa talamh ní thagann beatha ann gan é a fháil bháis ar dtús.

[37] e, quando semeias, não semeias o corpo que há de ser, mas o simples grão, como de trigo ou de qualquer outra semente.

[37]Agus an ní a chuireann tú ní hé an “corp” a bheidh ann ar ball é ach gráinne lom cruithneachta cuirim i gcás nó a leithéid eile.

[38] Mas Deus lhe dá corpo como lhe aprouve dar e a cada uma das sementes, o seu corpo apropriado.

[38]Agus tugann Dia corp dó mar is áil leis, a chorp féin do gach síol ar leith acu.

[39] Nem toda carne é a mesma; porém uma é a carne dos homens, outra, a dos animais, outra, a das aves, e outra, a dos peixes.

[39]Ní mar a chéile gach cineál feola ach tá cineál amháin ag daoine, cineál eile ag beithígh, cineál eile ag éanlaith, agus cineál eile fós ag éisc.

[40] Também há corpos celestiais e corpos terrestres; e, sem dúvida, uma é a glória dos celestiais, e outra, a dos terrestres.

[40]Agus tá na dúile neimhe ann agus dúile na talún. Agus ní ionann loinnir do na dúile neimhe agus do dhúile na talún.

[41] Uma é a glória do sol, outra, a glória da lua, e outra, a das estrelas; porque até entre estrela e estrela há diferenças de esplendor.

[41]Ní ionann loinnir don ghrian ná don ghealach ná do na réiltíní, agus níl aon dá réiltín ar aon loinnir le chéile.

[42] Pois assim também é a ressurreição dos mortos. Semeia-se o corpo na corrupção, ressuscita na incorrupção. Semeia-se em desonra, ressuscita em glória.

[42]Is é an dála céanna ag aiséirí na marbh é. Cuirtear i somhillteacht; éireofar i ndomhillteacht.

[43] Semeia-se em fraqueza, ressuscita em poder.

[43]Cuirtear in easonóir; éireofar i nglóir. Cuirtear i laige; éireofar i neart.

[44] Semeia-se corpo natural, ressuscita corpo espiritual. Se há corpo natural, há também corpo espiritual.

[44]Cuirtear é ina chorp nádúrtha; éireoidh sé ina chorp osnádúrtha. Má tá corp nádúrtha ann, tá corp osnádúrtha ann chomh maith.

[45] Pois assim está escrito: O primeiro homem, Adão, foi feito alma vivente. O último Adão, porém, é espírito vivificante.

[45]Mar atá scríofa: “Rinneadh anam beo den chéad duine, Ádhamh.” Sea, agus rinne spiorad a bheonn den dara hÁdhamh.

[46] Mas não é primeiro o espiritual, e sim o natural; depois, o espiritual.

[46]Ach ní hé an rud osnádúrtha is túisce a bhí ann ach an rud nádúrtha agus an rud osnádúrtha ina dhiaidh.

[47] O primeiro homem, formado da terra, é terreno; o segundo homem é do céu.

[47]Is ó chré na talún a tháinig an chéad duine agus é talmhaí ach is ó neamh an dara duine.

[48] Como foi o primeiro homem, o terreno, tais são também os demais homens terrenos; e, como é o homem celestial, tais também os celestiais.

[48]Bíonn na daoine talmhaí ar aon dul leis an duine úd a tháinig ón talamh, agus bíonn na daoine neamhaí ar aon dul leis an duine úd ó neamh.

[49] E, assim como trouxemos a imagem do que é terreno, devemos trazer também a imagem do celestial.

[49]Agus faoi mar a ghlacamar cló an duine thalmhaí orainn, [glacaimis] cló an duine neamhaí orainn chomh maith.

Os vivos serão transformados

[50] Isto afirmo, irmãos, que a carne e o sangue não podem herdar o reino de Deus, nem a corrupção herdar a incorrupção.

[50]Is é atáim a rá libh, a bhráithre, nach féidir d'fhuil agus d'fheoil ríocht Dé a shealbhú mar oidhreacht ná ní féidir don rud somhillte an domhillteacht a shealbhú.

[51] Eis que vos digo um mistério: nem todos dormiremos, mas transformados seremos todos,

[51]Ach tá rúndiamhair agam le nochtadh daoibh: ní bhfaighimid go léir bás ach tiocfaidh claochlú orainn go léir.

[52] num momento, num abrir e fechar de olhos, ao ressoar da última trombeta. A trombeta soará, os mortos ressuscitarão incorruptíveis, e nós seremos transformados.

[52]Tiocfaidh sé orainn in aon nóiméad amháin, i bhfaiteadh na súl, ar shéideadh an trumpa dhéanaigh. Nuair a shéidfidh an trumpa, éireoidh na mairbh agus iad domhillte; agus claochlófar sinne,

[53] Porque é necessário que este corpo corruptível se revista da incorruptibilidade, e que o corpo mortal se revista da imortalidade.

[53]mar ní foláir don chorp somhillte seo cló domhillte a chur uime; ní foláir don chorp básmhar seo cló neamhbhásmhar a chur uime.

[54] E, quando este corpo corruptível se revestir de incorruptibilidade, e o que é mortal se revestir de imortalidade, então, se cumprirá a palavra que está escrita: Tragada foi a morte pela vitória.

[55] Onde está, ó morte, a tua vitória? Onde está, ó morte, o teu aguilhão?

[56] O aguilhão da morte é o pecado, e a força do pecado é a lei.

[57] Graças a Deus, que nos dá a vitória por intermédio de nosso SENHOR Jesus Cristo.

[58] Portanto, meus amados irmãos, sede firmes, inabaláveis e sempre abundantes na obra do SENHOR, sabendo que, no SENHOR, o vosso trabalho não é vão.

[54]Agus nuair a bheidh an corp somhillte seo ina chló domhillte, an corp básmhar seo ina chló neamhbhásmhar, fíorófar ansin an focal úd atá scríofa:

[55]“Tá an bás slogtha siar ag an mbua. Anois, a bháis, cá bhfuil do bhua? A bháis, cá bhfuil do chealg?”

[56]Is é an peaca cealg an bháis agus is é an dlí neart an pheaca.

[57]Buíochas le Dia a thugann dúinn an bua trínár dTiarna Íosa Críost.

[58]Dá bhrí sin, a bhráithre ionúine, bígí daingean dobhogtha dícheallach i mbun ghnó an Tiarna agus a fhios agaibh nach bhfuil bhur saothar in aisce, sa Tiarna.

1 Coríntios 16

Acerca da coleta para os necessitados da Judeia

[1] Quanto à coleta para os santos, fazei vós também como ordenei às igrejas da Galácia.

[2] No primeiro dia da semana, cada um de vós ponha de parte, em casa, conforme a sua prosperidade, e vá juntando, para que se não façam coletas quando eu for.

[3] E, quando tiver chegado, enviarei, com cartas, para levarem as vossas dádivas a Jerusalém, aqueles que aprovardes.

[4] Se convier que eu também vá, eles irão comigo.

Os projetos de Paulo

1 Corantaigh 16

An Bailiúchán do Chríostaithe Iarúsailéim

[1]Maidir leis an mbailiúchán i gcomhair an phobail naofa, leanaigíse freisin an treoir a thug mé d'eaglaisí na Galaite.

[2]Ar an gcéad lá den tseachtain cuireadh gach duine agaibh i dtaisce oiread agus is acmhainn dó, sa tslí nach mbeidh aon bhailiúchán le déanamh nuair a thiocfaidh mise chugaibh.

[3]Ansin ar theacht dom, cibé daoine dá dtabharfaidh sibh litreacha creidiúnais dóibh, cuirfidh mé go Iarúsailéim iad le bhur ndeontas.

[4]Agus má fhónann dom féin dul ann chomh maith, beidh siadsan le mo chois.

An Turas atá Beartaithe

[5] Irei ter convosco por ocasião da minha passagem pela Macedônia, porque devo percorrer a Macedônia.

[5]Tar éis dom gabháil tríd an Macadóin tiocfaidh mé chugaibh ar cuairt - mar is é bealach na Macadóine a ghabhfaidh mé -

[6] E bem pode ser que convosco me demore ou mesmo passe o inverno, para que me encaminheis nas viagens que eu tenha de fazer.

[6]agus caithfidh mé tamall libh, nó an geimhreadh ar fad b'fhéidir, agus ansin féadfaidh sibhse mé a thionlacan cibé bealach a ghabhfaidh mé.

[7] Porque não quero, agora, ver-vos apenas de passagem, pois espero permanecer convosco algum tempo, se o SENHOR o permitir.

[7]Níor mhaith liom gan ach cuairt reatha a thabhairt oraibh. Tá súil agam tamall maith a thabhairt libh más toil leis an Tiarna é.

[8] Ficarei, porém, em Éfeso até ao Pentecostes;

[8]Fanfaidh mé in Eifeasas go Cincís,

[9] porque uma porta grande e oportuna para o trabalho se me abriu; e há muitos adversários.

[9]mar tá doras mór ar leathadh romham chun oibre - agus tá naimhde go leor agam.

Acerca de Timóteo e Apolo

[10] E, se Timóteo for, vede que esteja sem receio entre vós, porque trabalha na obra do SENHOR, como também eu;

[10]Má thagann Tiomóid féachaigí chuige go gcuirfidh sibh ar a shuaimhneas é in bhur measc mar is é obair an Tiarna atá sé a dhéanamh ar mo dhála féin.

[11] ninguém, pois, o despreze. Mas encaminhai-o em paz, para que venha ter comigo, visto que o espero com os irmãos.

[11]Ná bíodh duine ar bith ag caitheamh anuas air. Agus déanaigí é a sheoladh go síochánta ar a bhealach ar ais chugamsa mar táim féin mar aon leis na bráithre ag súil leis.

[12] Acerca do irmão Apolo, muito lhe tenho recomendado que fosse ter convosco em companhia dos irmãos, mas de modo algum era a vontade dele ir agora; irá, porém, quando se lhe deparar boa oportunidade.

[12]Maidir lenár mbráthair Apollós, rinne mé tathant air go dian dul ag triall oraibh in éineacht leis na bráithre eile, ach níl fonn dá laghad air dul ann faoi láthair. Tiocfaidh sé, áfach, nuair a bheidh an deis aige.

As exortações finais

[13] Sede vigilantes, permanecei firmes na fé, portai-vos varonilmente, fortalecei-vos.

[13]Bígí ag faire agus seasaigí fód an chreidimh; bígí cróga calma.

[14] Todos os vossos atos sejam feitos com amor.

Estéfanas, Fortunato e Acaico

[15] E agora, irmãos, eu vos peço o seguinte (sabeis que a casa de Estéfanas são as primícias da Acaia e que se consagraram ao serviço dos santos):

[16] que também vos sujeiteis a esses tais, como também a todo aquele que é cooperador e obreiro.

[17] Alegro-me com a vinda de Estéfanas, e de Fortunato, e de Acaico; porque estes supriram o que da vossa parte faltava.

[18] Porque trouxeram refrigério ao meu espírito e ao vosso. Reconhecei, pois, a homens como estes.

Saudações e a bênção

[19] As igrejas da Ásia vos saúdam. No SENHOR, muito vos saúdam Áqüila e Priscila e, bem assim, a igreja que está na casa deles.

[20] Todos os irmãos vos saúdam. Saudai-vos uns aos outros com ósculo santo.

[21] A saudação, escrevo-a eu, Paulo, de próprio punho.

[22] Se alguém não ama o SENHOR, seja anátema. Maranata!

[23] A graça do SENHOR Jesus seja convosco.

[24] O meu amor seja com todos vós, em Cristo Jesus.

[14]Gach ní dá ndéanann sibh, déanaigí le grá é.

Achainí

[15]Tá achainí agam oraibh, a bhráithre. Mar is eol daoibh, is é teaghlach Stiofáin céadtorthaí Acháia agus tá a ndúthracht caite acu ag fónamh do na naoimh.

[16]Bígí géilliúil dá leithéidí sin agus don uile dhuine atá ag obair agus ag saothrú leo.

[17]Tá áthas orm Stiofán agus Fortúnátas agus Acháiacas a bheith tagtha anseo. In bhur n-éagmais-se ba mhór an sásamh dom iad a theacht,

[18]mar chuir siad m'aigne chun suaimhnis, agus bhur n-aignese chomh maith. Bíodh meas agaibh ar a leithéidí sin.

Beannachtaí

[19]Cuireann eaglaisí na hÁise a mbeannacht chugaibh. Na mílte beannacht sa Tiarna ó Acula agus ó Phriosca mar aon leis an eaglais a thagann le chéile sa teach acu.

[20]Beannacht ó na bráithre uile. Beannaígí dá chéile leis an bpóg naofa.

[21]Tá mo bheannachtsa á scríobh agam le mo lámh féin - Pól.

[22]Mallacht ar an té nach dtugann grá don Tiarna. *Maranatha* [tar, a Thiarna].

[23]Grásta an Tiarna Íosa libh

[24]agus mo ghrá-sa libh uile i gCríost Íosa. Amen.

Segunda epístola de Paulo aos Coríntios

2 Coríntios 1

Prefácio e saudação

1 Paulo, apóstolo de Cristo Jesus pela vontade de Deus, e o irmão Timóteo, à igreja de Deus que está em Corinto e a todos os santos em toda a Acaia,

2 graça a vós outros e paz, da parte de Deus, nosso Pai, e do SENHOR Jesus Cristo.

Ação de graças de Paulo pelo conforto divino

3 Bendito seja o Deus e Pai de nosso SENHOR Jesus Cristo, o Pai de misericórdias e Deus de toda consolação!

4 É ele que nos conforta em toda a nossa tribulação, para podermos consolar os que estiverem em qualquer angústia, com a consolação com que nós mesmos somos contemplados por Deus.

5 Porque, assim como os sofrimentos de Cristo se manifestam em grande medida a nosso favor, assim também a nossa consolação transborda por meio de Cristo.

6 Mas, se somos atribulados, é para o vosso conforto e salvação; se somos confortados, é também para o vosso conforto, o qual se torna eficaz, suportando vós com paciência os mesmos sofrimentos que nós também padecemos.

7 A nossa esperança a respeito de vós está firme, sabendo que, como sois participantes dos sofrimentos, assim o sereis da consolação.

2 Corantaigh

2 Corantaigh 1

Beannú

1Mise Pól, aspal le hÍosa Críost de dheonú Dé, agus an bráthair Tiomóid. Beannaímid d'eaglais Dé i gCorant agus dá bhfuil de naoimh in Acháia ar fad.

2Grásta agus síocháin chugaibh ó Dhia an tAthair agus ón Tiarna Íosa Críost.

Buíochas le Dia

3Moladh le Dia, le hAthair ár dTiarna Íosa Críost, le hAthair gach trócaire agus le Dia an tsóláis uile.

4Is é a thugann sólás dúinne cibé anacair a bheireann orainn, i dtreo go mbímid i riocht sólás a thabhairt do dhaoine eile a bhíonn in aon anacair leis an sólás lena bhfaighimid féin sólás ó Dhia.

5Óir má fhaighimid flúirse de pheannaidí Chríost, faighimid flúirse sóláis ó Chríost chomh maith céanna.

6Nuair a bhímid dár gcrá, is ar mhaithe le sólás agus slánú a bhuachan daoibhse é; agus nuair a fhaighimid sólás is geall le sólás daoibhse freisin é, mar go gcuireann sé ar bhur gcumas cur suas go foighneach leis na peannaidí céanna a bhíonn ag cur orainn féin.

7Agus tá bonn maith lenár ndóchas asaibh, de bhrí go dtuigimid, ó tá sibh páirteach inár bpianta, go mbeidh sibh i bpáirt linn sa sólás chomh maith.

[8] Porque não queremos, irmãos, que ignoreis a natureza da tribulação que nos sobreveio na Ásia, porquanto foi acima das nossas forças, a ponto de desesperarmos até da própria vida.

[9] Contudo, já em nós mesmos, tivemos a sentença de morte, para que não confiemos em nós, e sim no Deus que ressuscita os mortos;

[10] o qual nos livrou e livrará de tão grande morte; em quem temos esperado que ainda continuará a livrar-nos,

[11] ajudando-nos também vós, com as vossas orações a nosso favor, para que, por muitos, sejam dadas graças a nosso respeito, pelo benefício que nos foi concedido por meio de muitos.

A sinceridade de Paulo

[12] Porque a nossa glória é esta: o testemunho da nossa consciência, de que, com santidade e sinceridade de Deus, não com sabedoria humana, mas, na graça divina, temos vivido no mundo e mais especialmente para convosco.

[13] Porque nenhuma outra coisa vos escrevemos, além das que ledes e bem compreendeis; e espero que o compreendereis de todo,

[14] como também já em parte nos compreendestes, que somos a vossa glória, como igualmente sois a nossa no Dia de Jesus, nosso SENHOR.

Paulo explica a sua demora em ir a Corinto

[8]Níor mhaith liom, a bhráithre, go mbeadh sibh dall ar an anró a rug orainn san Áise; bhíomar cloíte chomh mór sin thar ár gcumas go rabhamar i ndeireadh na feide.

[9]Bhraitheamar gurbh í breith an bháis a bhí tugtha orainn, rud a mhúin dúinn gan bheith ag brath orainn féin ach ar an Dia a thógann na mairbh.

[10]Eisean a thug saor ó bhéala an bháis sinn agus is é a thabharfaidh saor sinn feasta. Is air sin atá ár seasamh go dtabharfaidh sé slán sinn amach anseo

[11]ach sibhse a theacht i gcabhair orainn le hurnaithe. Sa tslí sin, ní beag a bheidh ag gabháil buíochais thar ár gceann as an aisce a bhronnfaidh sé orainn ar impí mhórán.

An Turas go Corant Curtha ar Athlá ag Pól

[12]Is é seo ár gcúis mhórála: fianaise ár gcoinsiasa go raibh ár n-iompar de réir naofacht agus ionracas Dé os comhair an tsaoil, go háirithe inár gcaidreamh libhse; agus ní ar eagna dhaonna a bhíomar ag brath ach ar ghrásta Dé.

[13]Ní chuirimid aon ní síos inár litreacha chugaibh thar an méid a léann sibh iontu nó a thuigeann sibh astu.

[14]Agus tá súil agam go dtuigfidh sibh go hiomlán ar ball an ní a thuigeann sibh go pointe áirithe anois, is é sin, go bhféadfaidh sibh bheith chomh mórálach céanna asainn lá an Tiarna Íosa agus a bheimidne asaibhse.

[15] Com esta confiança, resolvi ir, primeiro, encontrar-me convosco, para que tivésseis um segundo benefício;

[16] e, por vosso intermédio, passar à Macedônia, e da Macedônia voltar a encontrar-me convosco, e ser encaminhado por vós para a Judéia.

[17] Ora, determinando isto, terei, porventura, agido com leviandade? Ou, ao deliberar, acaso delibero segundo a carne, de sorte que haja em mim, simultaneamente, o sim e o não?

[18] Antes, como Deus é fiel, a nossa palavra para convosco não é sim e não.

[19] Porque o Filho de Deus, Cristo Jesus, que foi, por nosso intermédio, anunciado entre vós, isto é, por mim, e Silvano, e Timóteo, não foi sim e não; mas sempre nele houve o sim.

[20] Porque quantas são as promessas de Deus, tantas têm nele o sim; porquanto também por ele é o amém para glória de Deus, por nosso intermédio.

[21] Mas aquele que nos confirma convosco em Cristo e nos ungiu é Deus,

[22] que também nos selou e nos deu o penhor do Espírito em nosso coração.

[23] Eu, porém, por minha vida, tomo a Deus por testemunha de que, para vos poupar, não tornei ainda a Corinto;

[24] não que tenhamos domínio sobre a vossa fé, mas porque somos cooperadores

[15]Bhí mé chomh cinnte de sin gur bheartaigh mé ar dtús dul chugaibh ar cuairt agus comaoin dhúbailte a chur oraibh

[16]is é sin le rá, dul bhur mbealachsa chun na Macadóine agus teacht chugaibh athuair ar mo bhealach ar ais ón Macadóin, agus sibhse mé a thionlacan faoi dhéin Iúdáia.

[17]An raibh aon ghuagacht orm agus mé ag cinneadh air seo? Nó, an cúrsa a leagaim amach dom féin, an de réir meon an tsaoil a leagaim amach é i dtreo go mbíonn “sea” ina “ní hea” agam?

[18]Dar Dia dílis ní raibh aon “sea” agus “ní hea” inár dteachtaireacht chugaibhse.

[19]Íosa Críost, Mac Dé, atá fógartha in bhur measc againn - agam féin, ag Silveánas agus ag Tiomóid - ní raibh aon “sea” agus “ní hea” ann siúd; ní raibh ann ach an “sea,”

[20]mar is é an “sea” scoir é ar a bhfuil geallta ag Dia. , Sin é an fáth freisin gur trídsean a deirimid ár “nAmen” chun glóire Dé.

[21]Mar is é Dia a dhaingníonn sinne agus sibhse araon i gCríost; is é a d'ung sinn

[22]agus a bhuail a stampa orainn agus a chuir geall an Spioraid inár gcroí.

[23]Dearbhaím daoibh ar m'anam i bhfianaise Dé gur d'fhonn gan goilliúint oraibh a d'fhan mé gan teacht go dtí Corant go fóill.

[24]Ní ag rialúchán ar bhur gcreideamh atáimid, mar tá sibh suite seasmhach sa

de vossa alegria; porquanto, pela fé, já estais firmados.

chreideamh mar atá; ní hea, ach ag cabhrú libh chun bheith sonasach.

2 Coríntios 2

[1] Isto deliberei por mim mesmo: não voltar a encontrar-me convosco em tristeza.

[2] Porque, se eu vos entristeço, quem me alegrará, senão aquele que está entristecido por mim mesmo?

[3] E isto escrevi para que, quando for, não tenha tristeza da parte daqueles que deveriam alegrar-me, confiando em todos vós de que a minha alegria é também a vossa.

[4] Porque, no meio de muitos sofrimentos e angústias de coração, vos escrevi, com muitas lágrimas, não para que ficásseis entristecidos, mas para que conhecêsseis o amor que vos consagro em grande medida.

O penitente deve ser readmitido na igreja

[5] Ora, se alguém causou tristeza, não o fez apenas a mim, mas, para que eu não seja demasiadamente áspero, digo que em parte a todos vós;

[6] basta-lhe a punição pela maioria.

[7] De modo que deveis, pelo contrário, perdoar-lhe e confortá-lo, para que não seja o mesmo consumido por excessiva tristeza.

[8] Pelo que vos rogo que confirmeis para com ele o vosso amor.

2 Corantaigh 2

[1]Bheartaigh mé i m'aigne, dá réir sin, gan cuairt bhrónach eile a thabhairt oraibh.

[2]Mar má chuirimse brón oraibh cé atá ann chun áthas a chur orm ach an duine céanna ar chuir mé brón air?

[3]Sin é go díreach an rud a scríobh mé chugaibh i dtreo, nuair a thiocfainn, nach brón a gheobhainn ó na daoine dar dual áthas a chur orm, mar bhí mé cinnte fúibh go léir go mba chúis áthais daoibhse áthas a bheith ormsa.

[4]Is mór an buaireamh agus an scalladh croí a bhí orm ag scríobh chugaibh agus is iomaí deoir a thit ó mo shúile, ach ní d'fhonn sibhse a bhuaireamh a scríobh mé ach d'fhonn is go dtuigfeadh sibh méid mo ghrá daoibh.

Maithiúnas don Pheacach

[5]Má bhí aon duine ina ábhar buartha, ní ormsa amháin a ghoill sé ach oraibhse go léir a bheag nó a mhór, chun gan luí róthrom air mar scéal.

[6]Ní beag dá leithéid, áfach, an pionós seo a ghearr an tromlach air.

[7]Is é a mhalairt is córa daoibh a dhéanamh anois, is é sin maithiúnas agus sólás a thabhairt dó ar eagla go gcloífí é faoi iomad den bhrón.

[8]Táim á iarraidh d'achainí oraibh dá bhrí sin bhur ngrá a chruthú dó.

[9] E foi por isso também que vos escrevi, para ter prova de que, em tudo, sois obedientes.

[10] A quem perdoais alguma coisa, também eu perdôo; porque, de fato, o que tenho perdoado (se alguma coisa tenho perdoado), por causa de vós o fiz na presença de Cristo;

[11] para que Satanás não alcance vantagem sobre nós, pois não lhe ignoramos os desígnios.

A intranquilidade de Paulo não encontrando Tito

[12] Ora, quando cheguei a Trôade para pregar o evangelho de Cristo, e uma porta se me abriu no SENHOR,

[13] não tive, contudo, tranqüilidade no meu espírito, porque não encontrei o meu irmão Tito; por isso, despedindo-me deles, parti para a Macedônia.

A vitória de Cristo no ministério apostólico

[14] Graças, porém, a Deus, que, em Cristo, sempre nos conduz em triunfo e, por meio de nós, manifesta em todo lugar a fragrância do seu conhecimento.

[15] Porque nós somos para com Deus o bom perfume de Cristo, tanto nos que são salvos como nos que se perdem.

[16] Para com estes, cheiro de morte para morte; para com aqueles, aroma de vida para vida. Quem, porém, é suficiente para estas coisas?

[9]Mar is chuige seo a scríobh mé chugaibh, chun sibh a thriail, féachaint an mbeadh sibh umhal i ngach ní.

[10]An té a maitheann sibhse dó, maithimse dó chomh maith. Mar cibé ní a mhaith mise dó, is ar mhaithe libhse a rinne mé é i bhfianaise Chríost

[11]ar eagla go bhfaigheadh Sátan buntáiste oraibh - agus is maith is eol dúinn a chleasa siúd.

Buaireamh agus Sólás

[12]Ar dhul dom go Tróas ag fógairt dea-scéal Chríost, cé go raibh doras ar leathadh ag an Tiarna romham,

[13]mar sin féin ní raibh aon suaimhneas ar m'anam nuair nach bhfuair mé mo bhráthair Títeas ann romham. D'fhág mé slán acu dá bhrí sin agus d'imigh liom go dtí an Mhacadóin.

[14]A bhuí le Dia a bhíonn i gcónaí dár seoladh ina mhórshiúl caithréimeach i gCríost agus ag leathadh eolais air trínár mbíthin i ngach áit mar a bheadh boladh cumhra ann.

[15]Mar is cuma sinne nó cumhracht Chríost ag dul suas chun Dé i measc na ndaoine atá ar bhealach a slánaithe agus i measc na ndaoine atá ar bhealach a millte chomh maith;

[16]do bhuíon acu is boladh marfach é a sheolann chun báis iad, agus don bhuíon eile is boladh beomhar é a sheolann iad chun na beatha. Agus cé atá in ann chun na hoibre seo?

[17] Porque nós não estamos, como tantos outros, mercadejando a palavra de Deus; antes, em Cristo é que falamos na presença de Deus, com sinceridade e da parte do próprio Deus.

2 Coríntios 3

A excelência do ministério da nova aliança

[1] Começamos, porventura, outra vez a recomendar-nos a nós mesmos? Ou temos necessidade, como alguns, de cartas de recomendação para vós outros ou de vós?

[2] Vós sois a nossa carta, escrita em nosso coração, conhecida e lida por todos os homens,

[3] estando já manifestos como carta de Cristo, produzida pelo nosso ministério, escrita não com tinta, mas pelo Espírito do Deus vivente, não em tábuas de pedra, mas em tábuas de carne, isto é, nos corações.

[4] E é por intermédio de Cristo que temos tal confiança em Deus;

[5] não que, por nós mesmos, sejamos capazes de pensar alguma coisa, como se partisse de nós; pelo contrário, a nossa suficiência vem de Deus,

[6] o qual nos habilitou para sermos ministros de uma nova aliança, não da letra, mas do espírito; porque a letra mata, mas o espírito vivifica.

[7] E, se o ministério da morte, gravado com letras em pedras, se revestiu de glória, a ponto de os filhos de Israel não poderem

[17]Táimidne, mar ní ag mangaireacht bhriathar Dé a bhímidne dála a lán eile ach á fhógairt go dílis i gCríost i bhfianaise Dé, mar theachtaireacht ó Dhia.

2 Corantaigh 3

Maoir ar an gConradh Nua

[1]An ag tosú ar ár moladh féin arís atáimid? An gá dúinne, dála daoine áirithe éile, litreacha creidiúnais a thabhairt chugaibhse nó iad a fháil uaibh?

[2]Is sibhse ár litir chreidiúnais agus í scríofa ar ár gcroí agus í le haithint agus le léamh ag cách uile.

[3]Is follas don saol gur litir ó Chríost sibh atá arna scríobh againne ach nach le dúch a scríobhadh í ach le Spiorad an Dé bheo, agus nach ar tháibhléid chloiche a greanadh í ach ar tháibhléid an chroí dhaonna.

[4]Sin é an mhuinín atá againn as Dia i bpáirt le Críost.

[5]Ní hé go dtig linn uainn féin aon ní a chur síos dár gcumas féin. Is ó Dhia ár gcumas

[6]mar is é a chuir ar ár gcumas bheith inár maoir ar chonradh nua; ach ní conradh litreach é ach conradh sa Spiorad, mar is trúig bháis an litir scríofa ach is údar beatha an Spiorad.

[7]An córas básmhar úd a bhí greanta i litreacha ar chloch, má tháinig sé ann faoi niamhracht chomh mór sin nár fhéad clann Iosrael stánadh san aghaidh ar

fitar a face de Moisés, por causa da glória do seu rosto, ainda que desvanecente,

8 como não será de maior glória o ministério do Espírito!

9 Porque, se o ministério da condenação foi glória, em muito maior proporção será glorioso o ministério da justiça.

10 Porquanto, na verdade, o que, outrora, foi glorificado, neste respeito, já não resplandece, diante da atual sobreexcelente glória.

11 Porque, se o que se desvanecia teve sua glória, muito mais glória tem o que é permanente.

Onde há o Espírito do Senhor, aí há liberdade

12 Tendo, pois, tal esperança, servimo-nos de muita ousadia no falar.

13 E não somos como Moisés, que punha véu sobre a face, para que os filhos de Israel não atentassem na terminação do que se desvanecia.

14 Mas os sentidos deles se embotaram. Pois até ao dia de hoje, quando fazem a leitura da antiga aliança, o mesmo véu permanece, não lhes sendo revelado que, em Cristo, é removido.

15 Mas até hoje, quando é lido Moisés, o véu está posto sobre o coração deles.

16 Quando, porém, algum deles se converte ao SENHOR, o véu lhe é retirado.

17 Ora, o SENHOR é o Espírito; e, onde está o Espírito do SENHOR, aí há liberdade.

Mhaois mar gheall ar a ghile a bhí sí, siúd is go raibh an ghile ag tréigean,

8nach mó go mór an niamhracht a bheidh leis an gcóras spioradálta?

9Má bhí niamhracht ag gabháil le córas ár ndaortha, nach móide go mór go mbeadh niamhracht ag gabháil le córas ár bhfíréanaithe?

10Go deimhin féin, le hais na niamhrachta thar barr seo, níl niamhracht ar bith anois sa rud a bhí chomh niamhrach sin tráth.

11Má bhí niamhracht ag gabháil le córas a bhí sealadach nach niamhraí go mór a bheidh an córas atá buan?

12Ní cás dúinn a bheith teann dá bhrí sin nuair atá dóchas chomh mór sin againn.

13Ní ionann dúinne agus do Mhaois a chuireadh púicín ar a cheann ar shlí nach mbeadh clann Iosrael ag stánadh ar an loinnir neamhbhuan úd ag tréigean.

14Dalladh an intinn iontu, áfach, agus go dtí an lá atá inniu ann fanann an púicín céanna orthu gan tógáil nuair a bhíonn an seantiomna á léamh dóibh, mar is i bpáirt le Críost a thógtar an púicín chun siúil.

15Sea, go dtí an lá inniu féin bíonn púicín anuas ar a n-aigne nuair a bhíonn Maois á léamh dóibh,

16ach “nuair a iompófar chun an Tiarna tógfar an púicín chun siúil.”

17Is é an Tiarna an Spiorad, agus aon áit a mbíonn Spiorad an Tiarna bíonn saoirse ann.

[18] E todos nós, com o rosto desvendado, contemplando, como por espelho, a glória do SENHOR, somos transformados, de glória em glória, na sua própria imagem, como pelo SENHOR, o Espírito.

[18]Níl aon phúicín orainne, áfach; tá scáil de ghlóir an Tiarna le feiceáil inár ngnúis mar a bheadh i scáthán agus sinn ag dul i gcosúlacht leis-sean ó niamhracht go niamhracht faoi luí Spiorad an Tiarna.

2 Coríntios 4

Paulo cumpre o seu ministério com fidelidade

[1] Pelo que, tendo este ministério, segundo a misericórdia que nos foi feita, não desfalecemos;

[2] pelo contrário, rejeitamos as coisas que, por vergonhosas, se ocultam, não andando com astúcia, nem adulterando a palavra de Deus; antes, nos recomendamos à consciência de todo homem, na presença de Deus, pela manifestação da verdade.

[3] Mas, se o nosso evangelho ainda está encoberto, é para os que se perdem que está encoberto,

[4] nos quais o deus deste século cegou o entendimento dos incrédulos, para que lhes não resplandeça a luz do evangelho da glória de Cristo, o qual é a imagem de Deus.

[5] Porque não nos pregamos a nós mesmos, mas a Cristo Jesus como SENHOR e a nós mesmos como vossos servos, por amor de Jesus.

[6] Porque Deus, que disse: Das trevas resplandecerá a luz, ele mesmo resplandeceu em nosso coração, para iluminação do conhecimento da glória de Deus, na face de Cristo.

O poder de Paulo vem só de Deus

2 Corantaigh 4

Stór Luachmhar in Árthaí Cré

[1]Ós le trócaire a leagadh an cúram seo orainn, ní loicimid choíche.

[2]Tá diúltaithe againn, áfach, do na nithe táire úd a dhéantar faoi choim. Ní ag cealgaireacht a thugaimidne ár saol ná ag camadh briathar Dé ach ag iarraidh dul i bhfeidhm ar gach coinsias daonna trí léirnochtadh na fírinne i bhfianaise Dé.

[3]Má tá ár ndea-scéal folaithe ar dhuine ar bith, is orthu siúd atá ar bhealach a millte atá sé folaithe,

[4]is é sin ar lucht an díchreidimh a bhfuil an intinn dallta iontu ag dia an tsaoil seo ar eagla go lonródh an solas orthu, solas niamhrach dea-scéil Chríost, an té is macasamhail de Dhia féin.

[5]Ní dár bhfógairt féin atáimid ach ag fógairt Íosa Críost ina Thiarna agus gan ionainne ach seirbhísigh daoibhse ar son Íosa.

[6]An Dia a dúirt: “Bíodh solas ag lonradh as an dorchadas,” is é an Dia céanna é a chuir solas ag lonradh inár gcroí-ne d'fhonn eolas na glóire diaga ar chuntanós Chríost a chur ar ár súile dúinn.

[7] Temos, porém, este tesouro em vasos de barro, para que a excelência do poder seja de Deus e não de nós.

[7]Is i bprócaí cré atá an tseoid seo i gcoimeád againn, d'fhonn a chruthú gur le Dia an chumhacht as cuimse agus nach uainn féin í.

[8] Em tudo somos atribulados, porém não angustiados; perplexos, porém não desanimados;

[8]Bítear dár gciapadh ó gach taobh ach nílimid teanntaithe; bímid i gcruachás ach nílimid in éadóchas;

[9] perseguidos, porém não desamparados; abatidos, porém não destruídos;

[9]bítear dár ngéarleanúint ach nílimid tréigthe; bítear dár síneadh ach nílimid díscithe.

[10] levando sempre no corpo o morrer de Jesus, para que também a sua vida se manifeste em nosso corpo.

[10]Bíonn bás Íosa ar iompar inár gcorp againn de shíor ar shlí go mbeadh beatha Íosa le feiceáil inár gcorp chomh maith.

[11] Porque nós, que vivemos, somos sempre entregues à morte por causa de Jesus, para que também a vida de Jesus se manifeste em nossa carne mortal.

[11]Fad is beo sinn bímid dár dtabhairt suas chun báis de shíor ar son Íosa, ionas go mbeadh beatha Íosa soiléir le feiceáil inár gcolainn bhásmhar.

[12] De modo que, em nós, opera a morte, mas, em vós, a vida.

[12]Dá réir sin is é an bás atá ag obair ionainne fad atá an bheatha ag obair ionaibhse.

[13] Tendo, porém, o mesmo espírito da fé, como está escrito: Eu cri; por isso, é que falei. Também nós cremos; por isso, também falamos,

[13]Ach tá againne an spiorad céanna úd an chreidimh atá luaite sa scrioptúr: “Chreid mé agus labhair mé dá réir.” Creidimidne chomh maith agus labhraímid dá réir,

[14] sabendo que aquele que ressuscitou o SENHOR Jesus também nos ressuscitará com Jesus e nos apresentará convosco.

[14]mar go bhfuil a fhios againn, an té úd a thóg an Tiarna Íosa ó mhairbh, go dtógfaidh sé sinne mar aon le Íosa, agus go seolfaidh sé sinne agus sibhse araon ina láthair.

[15] Porque todas as coisas existem por amor de vós, para que a graça, multiplicando-se, torne abundantes as ações de graças por meio de muitos, para glória de Deus.

[15]Is ar mhaithe libhse é seo ar fad i dtreo, nuair a leathfaidh grásta Dé i measc breis daoine, go mbeidh breis buíochais chun glóire Dé.

O desígnio e efeito das aflições

[16] Por isso, não desanimamos; pelo contrário, mesmo que o nosso homem

Beo ar an gCreideamh

[16]Sin é an fáth nach loicimid choíche. Más ea féin go bhfuilimid ag meathlú ar an

exterior se corrompa, contudo, o nosso homem interior se renova de dia em dia.

17 Porque a nossa leve e momentânea tribulação produz para nós eterno peso de glória, acima de toda comparação,

18 não atentando nós nas coisas que se vêem, mas nas que se não vêem; porque as que se vêem são temporais, e as que se não vêem são eternas.

taobh amuigh, tá an taobh istigh á athnuachan ó lá go lá.

17An buaireamh beag gearrshaolach seo atá orainn, tá ualach as cuimse den ghlóir bhithbhuan á thuilleamh aige dúinn.

18Ní ar na nithe infheicthe atá ár n-aire againne ach ar na nithe dofheicthe, mar níl sna nithe infheicthe ach seal ach mairfidh na nithe dofheicthe go bráth.

2 Coríntios 5

Ausentes do corpo e presentes com o Senhor

1 Sabemos que, se a nossa casa terrestre deste tabernáculo se desfizer, temos da parte de Deus um edifício, casa não feita por mãos, eterna, nos céus.

2 E, por isso, neste tabernáculo, gememos, aspirando por sermos revestidos da nossa habitação celestial;

3 se, todavia, formos encontrados vestidos e não nus.

4 Pois, na verdade, os que estamos neste tabernáculo gememos angustiados, não por querermos ser despidos, mas revestidos, para que o mortal seja absorvido pela vida.

5 Ora, foi o próprio Deus quem nos preparou para isto, outorgando-nos o penhor do Espírito.

6 Temos, portanto, sempre bom ânimo, sabendo que, enquanto no corpo, estamos ausentes do SENHOR;

2 Corantaigh 5

1Tá a fhios againn nuair a leagtar ar lár an bhoth seo ina gcónaímid ar talamh, go bhfuil áitreabh le fáil ó Dhia againn sna flaithis, teach cónaithe síoraí nár tógadh le lámha daoine.

2Go deimhin fad a bhímid anseo, bímid ag tnúth go hosnaíoch lenár n-áitreabh ar neamh a chur umainn mar bhrat,

3agus nuair a bheidh sé sin curtha umainn ní bheimid nocht.

4Sea, fad a bhímid i mboth an choirp bímid ag osnaíl go cloíte, ach ní hé is áil linn an corp saolta a bhaint dínn ach an corp eile a chur umainn lasmuigh de, ionas go slogfaí siar an rud básmhar ag an mbeatha.

5Agus is é a réitigh ina chomhair seo leis féin sinn, Dia a thug dúinn an Spiorad i ngeall leis.

6Bímid lán de mhisneach i gcónaí dá bhrí sin, cé go bhfuil a fhios againn fad atá ár gcónaí sa chorp go bhfuilimid ar deoraíocht ón Tiarna.

[7] visto que andamos por fé e não pelo que vemos.

[8] Entretanto, estamos em plena confiança, preferindo deixar o corpo e habitar com o SENHOR.

[9] É por isso que também nos esforçamos, quer presentes, quer ausentes, para lhe sermos agradáveis.

[10] Porque importa que todos nós compareçamos perante o tribunal de Cristo, para que cada um receba segundo o bem ou o mal que tiver feito por meio do corpo.

O zelo apostólico de Paulo

[11] E assim, conhecendo o temor do SENHOR, persuadimos os homens e somos cabalmente conhecidos por Deus; e espero que também a vossa consciência nos reconheça.

[12] Não nos recomendamos novamente a vós outros; pelo contrário, damo-vos ensejo de vos gloriardes por nossa causa, para que tenhais o que responder aos que se gloriam na aparência e não no coração.

[13] Porque, se enlouquecemos, é para Deus; e, se conservamos o juízo, é para vós outros.

[14] Pois o amor de Cristo nos constrange, julgando nós isto: um morreu por todos; logo, todos morreram.

[15] E ele morreu por todos, para que os que vivem não vivam mais para si mesmos,

[7]Mar is le creideamh a shiúlaimid bóthar an tsaoil seo agus ní le radharc na súl é.

[8]Mar sin féin táimid lán de mhisneach cé go mb'fhearr linn go mór an corp a bheith fágtha againn agus bheith inár gcónaí leis an Tiarna.

[9]Ach cibé acu sa bhaile leis a bhímid nó as baile uaidh, níl d'aidhm againn ach é a shásamh.

[10]Mar ní mór dúinn go léir teacht os comhair suí breithimh Chríost chun go bhfaighidh gach duine againn luach an tsaothair a bheidh déanta sa chorp againn, bíodh sé olc nó maith.

An Aspalacht i nGníomh

[11]Tuigimid cad is eagla Dé ann agus déanaimid áiteamh dá réir ar dhaoine. Is follas do Dhia ár meon agus tá súil agam gur follas do bhur gcoinsias-sa freisin é.

[12]Ní dár moladh féin libh arís atáimid ach ag iarraidh bun a thabhairt daoibh chun bheith bródúil asainn, d'fhonn is go mbeadh freagra agaibh orthu siúd a bhíonn bródúil as dreach an duine in áit bheith bródúil as a mheon.

[13]Má táimid as ár meabhair, is ar son Dé é; má táimid inár gciall is ar mhaithe libhse é.

[14]Is é grá Chríost atá dár dtiomáint ón uair a d'aithníomar go bhfuair aon duine amháin bás ar son cách uile agus dá réir sin go bhfuil an uile dhuine tar éis bháis.

[15]Agus fuair sé bás ar son cách d'fhonn is nach ar mhaithe leo féin a mhairfeadh na beo feasta ach ar mhaithe leis an té sin a

mas para aquele que por eles morreu e ressuscitou.

[16] Assim que, nós, daqui por diante, a ninguém conhecemos segundo a carne; e, se antes conhecemos Cristo segundo a carne, já agora não o conhecemos deste modo.

[17] E, assim, se alguém está em Cristo, é nova criatura; as coisas antigas já passaram; eis que se fizeram novas.

O ministério da reconciliação

[18] Ora, tudo provém de Deus, que nos reconciliou consigo mesmo por meio de Cristo e nos deu o ministério da reconciliação,

[19] a saber, que Deus estava em Cristo reconciliando consigo o mundo, não imputando aos homens as suas transgressões, e nos confiou a palavra da reconciliação.

[20] De sorte que somos embaixadores em nome de Cristo, como se Deus exortasse por nosso intermédio. Em nome de Cristo, pois, rogamos que vos reconcilieis com Deus.

[21] Aquele que não conheceu pecado, ele o fez pecado por nós; para que, nele, fôssemos feitos justiça de Deus.

2 Coríntios 6

[1] E nós, na qualidade de cooperadores com ele, também vos exortamos a que não recebais em vão a graça de Deus

[2] (porque ele diz: Eu te ouvi no tempo da oportunidade e te socorri no dia da

fuair bás ar a son agus a d'aiséirigh ó mhairbh.

[16]As seo amach dá bhrí sin ní dhéanaimid neach ar bith a mheas do réir caighdeáin shaolta. Más ea féin go ndearnamar Críost a mheas de réir an chaighdeáin sin tráth, ní dhéanaimid amhlaidh a thuilleadh.

[17]Mar, aon duine atá i gCríost, is duine é atá cruthaithe as an nua; tá an sean i léig, féach, agus tá an nua tagtha.

[18]Is é Dia a thug an t-iomlán i gcrích, mar is é a thug sinne chun athmhuintearais leis féin trí Chríost agus a d'fhág an t-athmhuintearas ina chúram orainne.

[19]Is é sin le rá go raibh Dia i gCríost ag tabhairt an domhain chun athmhuintearais leis féin, gan cionta na ndaoine a agairt orthu, agus gur fúinne a d'fhág sé fógairt an athmhuintearais sin.

[20]Dá réir sin is ambasadóirí thar ceann Chríost sinne mar gur trínne atá Dia ag achainí. Is é a impímid oraibh in ainm Chríost athmhuintearas a dhéanamh le Dia.

[21]Mar an té úd nárbh eol dó an peaca, rinne Dia peaca de ar mhaithe linne, d'fhonn go ndéanfaí dínne fíréantacht Dé ann.

2 Corantaigh 6

[1]Ag obair dúinn i gcomhar leis impímid oraibh gan an grásta a fuair sibh uaidh a chur amú.

[2]Mar is é a deir sé: “Ar uair na faille thug mé cluas duit; ar lá an tslánaithe tháinig

salvação; eis, agora, o tempo sobremodo oportuno, eis, agora, o dia da salvação);

[3] não dando nós nenhum motivo de escândalo em coisa alguma, para que o ministério não seja censurado.

A abnegação de Paulo

[4] Pelo contrário, em tudo recomendando-nos a nós mesmos como ministros de Deus: na muita paciência, nas aflições, nas privações, nas angústias,

[5] nos açoites, nas prisões, nos tumultos, nos trabalhos, nas vigílias, nos jejuns,

[6] na pureza, no saber, na longanimidade, na bondade, no Espírito Santo, no amor não fingido,

[7] na palavra da verdade, no poder de Deus, pelas armas da justiça, quer ofensivas, quer defensivas;

[8] por honra e por desonra, por infâmia e por boa fama, como enganadores e sendo verdadeiros;

[9] como desconhecidos e, entretanto, bem conhecidos; como se estivéssemos morrendo e, contudo, eis que vivemos; como castigados, porém não mortos;

[10] entristecidos, mas sempre alegres; pobres, mas enriquecendo a muitos; nada tendo, mas possuindo tudo.

O amor com amor se paga

mé i gcabhair ort.” Is í seo, féach, uair na faille; inniu lá an tslánaithe.

[3]Le heagla go mbeifí ag lochtú ár gcuid seirbhíse, ní chuirimid ceap tuisle sa bhealach ar aon duine,

[4]ach cruthaimid, in gach cor dár saol, gur searbhóntaí Dé sinn, ag cur suas go foighneach le hanacair agus le cruatan agus le hanró;

[5]le sciúrsáil, le braighdeanas agus le círéib; le diansaothar, le heaspa codlata agus le hocras.

[6]Cruthaímid freisin é le hionracas, le heolas, le seasmhacht agus le cineáltas; leis an Spiorad Naomh, le grá dílis,

[7]le fógairt na fírinne agus le cumhacht Dé; bíonn an fhíréantacht ina harm cosanta agus ina harm ionsaithe againn;

[8]bíonn meas orainn agus drochmheas, clú agus míchlú. Bíonn ainm na bréige orainn cé go bhfuilimid fíor.

[9]Is daoine anaithnide sinn a bhfuil aithne ag an saol mór orainn, bímid in ainm bheith i mbéal báis agus féach sinn go beo beathach; bímid in ainm bheith dár smachtú ach nílimid tugtha suas chun báis.

[10]Tá ainm an bhróin orainn agus sinn i gcónaí lúcháireach; tá ainm an bhochtanais orainn agus sinn ag saibhriú na sluaite; tá ainm an dealúis orainn agus an uile ní inár seilbh againn.

[11] Para vós outros, ó coríntios, abrem-se os nossos lábios, e alarga-se o nosso coração.

[12] Não tendes limites em nós; mas estais limitados em vossos próprios afetos.

[13] Ora, como justa retribuição (falo-vos como a filhos), dilatai-vos também vós.

Nenhuma comunhão com os incrédulos

[14] Não vos ponhais em jugo desigual com os incrédulos; porquanto que sociedade pode haver entre a justiça e a iniqüidade? Ou que comunhão, da luz com as trevas?

[15] Que harmonia, entre Cristo e o Maligno? Ou que união, do crente com o incrédulo?

[16] Que ligação há entre o santuário de Deus e os ídolos? Porque nós somos santuário do Deus vivente, como ele próprio disse: Habitarei e andarei entre eles; serei o seu Deus, e eles serão o meu povo.

[17] Por isso, retirai-vos do meio deles, separai-vos, diz o SENHOR; não toqueis em coisas impuras; e eu vos receberei,

[18] serei vosso Pai, e vós sereis para mim filhos e filhas, diz o SENHOR Todo-Poderoso.

2 Coríntios 7

[1] Tendo, pois, ó amados, tais promessas, purifiquemo-nos de toda impureza, tanto da carne como do espírito, aperfeiçoando a nossa santidade no temor de Deus.

O afeto de Paulo para com os coríntios

[11]Tá labhartha againn go hoscailte libh, a mhuintir Choraint; tá ár gcroí ar leathadh romhaibh

[12]agus gan aon easpa slí ann daoibh. In bhur gcroí féin atá an chúngracht.

[13]Díolaigí an comhar linn, a chlann ó, agus bígí chomh hoscailte céanna.

Teampall an Dé Bheo

[14]Ná téigí i bpáirtíocht éagothrom le díchreidmhigh. Cén pháirt atá ag an bhfíréantacht leis an urchóid? Cén bhaint atá ag an solas leis an dorchadas?

[15]Cén cumann atá ag Críost le Beiliar? Cén chuid atá ag an gcreidmheach leis an díchreidmheach?

[16]Cén ceangal atá ag teampall Dé le déithe bréige? Mar is teampall Dé bheo sinne, de réir mar atá ráite ag Dia féin: “Cónóidh mé agus siúlfaidh mé ina measc, beidh mé i mo Dhia acu agus beidh siadsan ina bpobal agamsa.

[17]Imígí as a measc, dá bhrí sin, agus scaraigí leo; ná bainigí le rud neamhghlan agus beidh fáilte agamsa romhaibh.

[18]Beidh mé i m'athair agaibh agus beidh sibhse in bhur gclann mhac agus iníonacha agamsa, arsa an Tiarna uilechumhachtach.”

2 Corantaigh 7

[1]Nuair atá a leithéidí sin de ghealltanais againn, a mhuintir na páirte, glanaimis dínn gach smál coirp agus anama agus cuirimis ár naomhú i gcrích faoi eagla Dé.

Sólás tar éis an Dóláis

[2] Acolhei-nos em vosso coração; a ninguém tratamos com injustiça, a ninguém corrompemos, a ninguém exploramos.

[3] Não falo para vos condenar; porque já vos tenho dito que estais em nosso coração para, juntos, morrermos e vivermos.

[4] Mui grande é a minha franqueza para convosco, e muito me glorio por vossa causa; sinto-me grandemente confortado e transbordante de júbilo em toda a nossa tribulação.

A chegada de Tito

[5] Porque, chegando nós à Macedônia, nenhum alívio tivemos; pelo contrário, em tudo fomos atribulados: lutas por fora, temores por dentro.

[6] Porém Deus, que conforta os abatidos, nos consolou com a chegada de Tito;

[7] e não somente com a sua chegada, mas também pelo conforto que recebeu de vós, referindo-nos a vossa saudade, o vosso pranto, o vosso zelo por mim, aumentando, assim, meu regozijo.

[8] Porquanto, ainda que vos tenha contristado com a carta, não me arrependo; embora já me tenha arrependido (vejo que aquela carta vos contristou por breve tempo),

[9] agora, me alegro não porque fostes contristados, mas porque fostes contristados para arrependimento; pois

[2]Déanaigí áit dúinn in bhur gcroí. Ní dhearnamar éagóir ná dochar ná calaois ar dhuine ar bith agaibh.

[3]Ní á chasadh libh atáim, mar tá ráite agam cheana libh go bhfuil sibh i gcochall mo chroí agam chun bás nó beatha a fháil liom ann.

[4]Is mór í m'iontaoibh asaibh agus is mór é mo bhród. Agus ainneoin mo chuid anacra táim lán de shólás agus ag cur thar maoil le háthas.

[5]Ar theacht dúinn chun na Macadóine ní raibh aon suaimhneas le fáil ag ár gcolainn ach crosa ar gach taobh, achrann ón taobh amuigh agus imní ón taobh istigh.

[6]Ach an Dia a thugann sólás do na huirísle, thug sé sólás dúinne nuair a tháinig Títeas ar an láthair.

[7]Agus níorbh é a theacht sin amháin a chuir misneach orainn ach an spreagadh a bhí faighte aige uaibhse chomh maith; thug sé cuntas dom ar a mhéid a bhí sibh ag tnúth liom, ar an mbrón a bhí oraibh agus ar a dhíograisí a bhí sibh dom, rud a chuir go mór le mo lúcháir.

[8]Más ea féin gur chuir mé brón oraibh leis an litir úd agam, níl aon aiféala orm faoi. Nó má bhí aiféala orm tuigim gur ghoill an litir sin oraibh d'ala na huaire,

[9]tá áthas anois orm, ní de chionn go raibh sibhse buartha ach de chionn gur thug an bhuairt chun aithrí sibh. Bhí bhur mbuairt

fostes contristados segundo Deus, para que, de nossa parte, nenhum dano sofrêsseis.

[10] Porque a tristeza segundo Deus produz arrependimento para a salvação, que a ninguém traz pesar; mas a tristeza do mundo produz morte.

[11] Porque quanto cuidado não produziu isto mesmo em vós que, segundo Deus, fostes contristados! Que defesa, que indignação, que temor, que saudades, que zelo, que vindita! Em tudo destes prova de estardes inocentes neste assunto.

[12] Portanto, embora vos tenha escrito, não foi por causa do que fez o mal, nem por causa do que sofreu o agravo, mas para que a vossa solicitude a nosso favor fosse manifesta entre vós, diante de Deus.

[13] Foi por isso que nos sentimos confortados. E, acima desta nossa consolação, muito mais nos alegramos pelo contentamento de Tito, cujo espírito foi recreado por todos vós.

[14] Porque, se nalguma coisa me gloriei de vós para com ele, não fiquei envergonhado; pelo contrário, como, em tudo, vos falamos com verdade, também a nossa exaltação na presença de Tito se verificou ser verdadeira.

[15] E o seu entranhável afeto cresce mais e mais para convosco, lembrando-se da

de réir thoil Dé agus dá bhrí sin ní raibh sibh aon ní chun deiridh linne.

[10]Mar an bhuairt a bhíonn de réir thoil Dé, saothraíonn sí an aithrí úd a sheolann daoine ar bhóthar a slánaithe agus ní aon chúis aiféala é sin, ach ní thagann ón mbuairt shaolta ach an bás.

[11]Féach an toradh a bhí ar an mbuairt sin a chuir Dia oraibh; cad é mar dhúthracht a chothaigh sí ionaibh, cad é mar fhonn cosanta, cad é mar mhíchéadfa, cad é mar fhaitíos! Cad é mar dhíograis agus mar fhonn cúitimh a spreag sí ionaibh! Chruthaigh sibh go raibh sibh neamhurchóideach sa ghnó seo ar fad.

[12]Nuair a scríobh mé an litir úd chugaibh, ní ar mhaithe le fear déanta na héagóra a bhí mé, ná ar mhaithe leis an té a ndearnadh an éagóir air, ach d'fhonn bhur ndílseacht domsa a chur ar bhur súile daoibh i bhfianaise Dé.

[13]Sin é an fáth a bhfuil sólás orainn. Agus mar bharr ar ár sólás, bhí áthas níos mó fós orainn faoin ngliondar a bhí ar Thíteas toisc gur chuir sibhse go léir a aigne chun suaimhnis.

[14]Cibé mórtas a rinne mé asaibhse leis, níorbh aon chúis náire dom é, ach faoi mar nár labhair mé riamh libhse ach an fhírinne ghlan, an maíomh a rinne mé asaibh le Títeas tháinig sé isteach fíor chomh maith céanna.

[15]Agus is ag dul i méad atá a chion oraibh nuair a chuimhníonn sé ar chomh humhal

obediência de todos vós, de como o recebestes com temor e tremor.

agus a bhí sibh go léir dó, agus ar chomh hurramach uamhnach agus a d'fháiltigh sibh roimhe.

16 Alegro-me porque, em tudo, posso confiar em vós.

16Is cúis áthais domsa go dtig liom bheith lánmhuiníneach asaibh.

2 Coríntios 8

A oferta das igrejas da Macedônia para os pobres da Judeia

1 Também, irmãos, vos fazemos conhecer a graça de Deus concedida às igrejas da Macedônia;

2 porque, no meio de muita prova de tribulação, manifestaram abundância de alegria, e a profunda pobreza deles superabundou em grande riqueza da sua generosidade.

3 Porque eles, testemunho eu, na medida de suas posses e mesmo acima delas, se mostraram voluntários,

4 pedindo-nos, com muitos rogos, a graça de participarem da assistência aos santos.

5 E não somente fizeram como nós esperávamos, mas também deram-se a si mesmos primeiro ao SENHOR, depois a nós, pela vontade de Deus;

6 o que nos levou a recomendar a Tito que, como começou, assim também complete esta graça entre vós.

7 Como, porém, em tudo, manifestais superabundância, tanto na fé e na palavra como no saber, e em todo cuidado, e em nosso amor para convosco, assim também abundeis nesta graça.

2 Corantaigh 8

Flaithiúlacht Chríostaí

1Ba mhaith liom fios a thabhairt anois daoibh, a bhráithre, ar an ngrásta atá bronnta ag Dia ar eaglaisí na Macadóine.

2Cé gur promhadh go dian san anró iad, tá siad lán d'áthas, agus d'ainneoin iad a bheith beo bocht is iad croí na féile iad.

3Thug siad uathu de réir a n-acmhainne, ní hea, ar m'anam, ach thar a n-acmhainn; agus dá ndeoin féin

4d'impigh siad orainn go bog agus go crua ligean dóibh bheith páirteach sa ghar seo atá á dhéanamh do na naoimh.

5Agus, rud nach raibh aon súil againn leis, thug siad suas iad féin ar dtús don Tiarna agus dúinne ina dhiaidh sin de dheonú Dé.

6Sin é an fáth gur mholamar do Thíteas an gnó carthanachta seo a thabhairt chun críche in bhur measc ó ba é a chuir tús leis.

7Agus ós rud é go bhfuil flúirse den uile shórt agaibh, flúirse den chreideamh, den líofacht, den eolas, den uile dhíograis agus den ghrá a d'fhoghlaim sibh uainne, bígí flaithiúil sa charthanacht seo chomh maith.

[8] Não vos falo na forma de mandamento, mas para provar, pela diligência de outros, a sinceridade do vosso amor;

[9] pois conheceis a graça de nosso SENHOR Jesus Cristo, que, sendo rico, se fez pobre por amor de vós, para que, pela sua pobreza, vos tornásseis ricos.

[10] E nisto dou minha opinião; pois a vós outros, que, desde o ano passado, principiastes não só a prática, mas também o querer, convém isto.

[11] Completai, agora, a obra começada, para que, assim como revelastes prontidão no querer, assim a leveis a termo, segundo as vossas posses.

[12] Porque, se há boa vontade, será aceita conforme o que o homem tem e não segundo o que ele não tem.

[13] Porque não é para que os outros tenham alívio, e vós, sobrecarga; mas para que haja igualdade,

[14] suprindo a vossa abundância, no presente, a falta daqueles, de modo que a abundância daqueles venha a suprir a vossa falta, e, assim, haja igualdade,

[15] como está escrito: O que muito colheu não teve demais; e o que pouco, não teve falta.

O novo encargo de Tito

[8]Ní ag tabhairt orduithe daoibh atáim ach ag iarraidh dáiríre bhur ngrá a mheas de réir dhíograis daoine eile.

[9]Tá a fhios agaibh go maith an chomaoin a chuir ár dTiarna Íosa Críost oraibh: siúd is go raibh sé saibhir rinne sé bochtán de féin ar mhaithe libhse, d'fhonn is go ndéanfaí daoine saibhre díbh trína bhochtaineachtsan.

[10]Tá comhairle agam, áfach, le tabhairt daoibh sa ghnó seo, comhairle bhur leasa, mar ní hé amháin gur sibhse na chéad daoine a thosaigh ar an ngnó seo a chur i ngníomh bliain ó shin ach bhí sibh ar na chéad daoine a bheartaigh é.

[11]Tugaigí an gnó chun críche anois agus bígí chomh fonnmhar céanna á chríochnú de réir bhur ngustail agus a bhí sibh á bheartú.

[12]Má bhíonn an dea-thoil ann beifear sásta leis an duine a thugann de réir a acmhainne agus gan dul thar a acmhainn,

[13]mar ní gá daoibh sibh féin a chreachadh ag fóirithint ar dhaoine eile.

[14]Níl ann ach ceist cothroime: an fuílleach atá agaibhse i láthair na huaire, coinneoidh sé riar a gcáis leo siúd: agus an fuílleach a bheidh acu sin coinneoidh sé riar bhur gcáis libhse ar ball, agus sa tslí sin beidh cothrom ann

[15]de réir mar atá scríofa: “An té a chnuasaigh mórán, ní raibh an iomarca aige, agus an té a chnuasaigh beagán, ní raibh easnamh air.”

Títeas agus a Chompánaigh

16 Mas graças a Deus, que pôs no coração de Tito a mesma solicitude por amor de vós;

17 porque atendeu ao nosso apelo e, mostrando-se mais cuidadoso, partiu voluntariamente para vós outros.

18 E, com ele, enviamos o irmão cujo louvor no evangelho está espalhado por todas as igrejas.

19 E não só isto, mas foi também eleito pelas igrejas para ser nosso companheiro no desempenho desta graça ministrada por nós, para a glória do próprio SENHOR e para mostrar a nossa boa vontade;

20 evitando, assim, que alguém nos acuse em face desta generosa dádiva administrada por nós;

21 pois o que nos preocupa é procedermos honestamente, não só perante o SENHOR, como também diante dos homens.

22 Com eles, enviamos nosso irmão cujo zelo, em muitas ocasiões e de muitos modos, temos experimentado; agora, porém, se mostra ainda mais zeloso pela muita confiança em vós.

23 Quanto a Tito, é meu companheiro e cooperador convosco; quanto a nossos irmãos, são mensageiros das igrejas e glória de Cristo.

24 Manifestai, pois, perante as igrejas, a prova do vosso amor e da nossa exultação

16Míle buíochas le Dia a chuir an díograis chéanna chun cabhraithe libh i gcroí Thíteas.

17Ní hé amháin gur aontaigh sé le m'achainíse ach bhí sé chomh díograiseach sin go ndeachaigh sé ag triall oraibh dá dheoin féin.

18Agus chuireamar lena chois an bráthair úd a bhfuil moladh air mar shoiscéalaí ar fud na n-eaglaisí go léir.

19Agus ní amháin sin, ach is é atá tofa ag na heaglaisí ina chompánach aistir agamsa sa bheartas carthanachta seo atá idir lámha againn ar son glóire an Tiarna agus d'fhonn ár ndíograis a thaispeáint.

20Táimid ar ár n-aire, áfach, nach mbeidh gearán ag duine ar bith orainn faoin gciste fial seo atá faoinár gcúram.

21Mar is é ár n-aidhm an rud ceart a dhéanamh ní amháin i bhfianaise an Tiarna ach i bhfianaise daoine chomh maith.

22Agus chuireamar bráthair dár gcuid lena gcois, fear a bhfuil a dhíograis tástáilte againn go mion minic agus gur díograisí ná riamh anois é le méid na hiontaoibhe atá aige asaibhse.

23Maidir le Títeas, is páirtí liom féin é agus cúntóir chun freastail oraibhse. Agus i dtaca lenár mbráithre de, is teachtaí ó na heaglaisí iad agus is creidiúint iad do Chríost.

24Taispeánaigí, dá bhrí sin, i bhfianaise na n-eaglaisí go bhfuil grá agaibh dóibh agus nach miste dúinne bheith bródúil asaibh.

a vosso respeito na presença destes homens.

2 Coríntios 9

Instruções de Paulo em referência à grande coleta

1 Ora, quanto à assistência a favor dos santos, é desnecessário escrever-vos,

2 porque bem reconheço a vossa presteza, da qual me glorio junto aos macedônios, dizendo que a Acaia está preparada desde o ano passado; e o vosso zelo tem estimulado a muitíssimos.

3 Contudo, enviei os irmãos, para que o nosso louvor a vosso respeito, neste particular, não se desminta, a fim de que, como venho dizendo, estivésseis preparados,

4 para que, caso alguns macedônios forem comigo e vos encontrem desapercebidos, não fiquemos nós envergonhados (para não dizer, vós) quanto a esta confiança.

5 Portanto, julguei conveniente recomendar aos irmãos que me precedessem entre vós e preparassem de antemão a vossa dádiva já anunciada, para que esteja pronta como expressão de generosidade e não de avareza.

A sementeira e a colheita

6 E isto afirmo: aquele que semeia pouco pouco também ceifará; e o que semeia com fartura com abundância também ceifará.

7 Cada um contribua segundo tiver proposto no coração, não com tristeza ou

2 Corantaigh 9

An Bailiúchán

1Ní gá dom aon ní a scríobh chugaibh faoin mbailiúchán i gcomhair na naomh.

2Mar tá a fhios agam an díograis atá ionaibh faoi agus bím ag déanamh gaisce asaibh le muintir na Macadóine agus ag rá go bhfuil Acháia faoi réir chuige le bliain anuas. Go deimhin féin is í bhur ndíograis-se a spreag a bhformhór eile chun gnímh.

3Ach ar eagla nach mbeadh i mo chuid mórtais sa chás seo ach caint dhíomhaoin, táim ag seoladh na mbráithre chugaibh i dtreo go mbeidh sibh ullamh faoi mar a dúirt mé.

4Mar dá dtagadh roinnt Macadónach le mo chois agus gan sibhse a bheith ullamh rompu, nach ormsa a bheadh an náire, gan trácht oraibh féin - tar éis dom bheith chomh teann sin asaibh?

5Mheas mé dá bhrí sin nár mhór dom a iarraidh ar na bráithre dul ag triall oraibh romham agus an deontas a bhí geallta agaibh a eagrú roimh ré i dtreo go mbeadh sé réidh i mo chomhair agus é ina dheontas fial in áit a bheith ina ainchíos.

Is Geal le Dia an Té a Thugann go Fáilteach

6Seo mar atá an scéal: an té a chuireann an síol go gann, is gann an fómhar a bhainfidh, ach an té a chuireann go fairsing, bainfidh sé fómhar fairsing.

7Déanadh gach duine dá bhrí sin mar a bhí beartaithe ina chroí aige, agus déanadh sé

por necessidade; porque Deus ama a quem dá com alegria.

[8] Deus pode fazer-vos abundar em toda graça, a fim de que, tendo sempre, em tudo, ampla suficiência, superabundeis em toda boa obra,

[9] como está escrito: Distribuiu, deu aos pobres, a sua justiça permanece para sempre.

[10] Ora, aquele que dá semente ao que semeia e pão para alimento também suprirá e aumentará a vossa sementeira e multiplicará os frutos da vossa justiça,

[11] enriquecendo-vos, em tudo, para toda generosidade, a qual faz que, por nosso intermédio, sejam tributadas graças a Deus.

[12] Porque o serviço desta assistência não só supre a necessidade dos santos, mas também redunda em muitas graças a Deus,

[13] visto como, na prova desta ministração, glorificam a Deus pela obediência da vossa confissão quanto ao evangelho de Cristo e pela liberalidade com que contribuís para eles e para todos,

[14] enquanto oram eles a vosso favor, com grande afeto, em virtude da superabundante graça de Deus que há em vós.

[15] Graças a Deus pelo seu dom inefável!

sin gan doicheall gan éigean mar is geal le Dia an té a thugann go fáilteach.

[8]Tá ar chumas Dé gach tabhartas a bhronnadh go fairsing oraibh, i dtreo go mbeadh lán bhur ndóthain agaibh den uile shórt i gcónaí agus fuílleach i gcomhair gach dea-chúise,

[9]de réir mar atá scríofa: “Roinn sé go fial ar na boicht, mairfidh a mhaoin go deo.”

[10]An té úd a sholáthraíonn síol don síoladóir agus a thugann arán le hithe, soláthróidh sé an síol daoibhse chomh maith; méadóidh sé an síol agus iomadóidh sé torthaí bhur bhfíréantachta.

[11]Beidh sibh saibhir bhur ndóthain i gcónaí chun bheith fial le cách agus beidh ár mbuíochas dá bharr sin ar Dhia.

[12]Mar an tseirbhís naofa seo atá idir lámha againn, ní hé amháin go bhfuil sí ag soláthar riar a gcáis do na naoimh ach tá rabharta buíochais á thuilleamh chomh maith aici do Dhia.

[13]De bharr na seirbhíse profa seo beidh siad ag moladh Dé as bhur n-umhlaíocht ag admháil dea-scéal Chríost agus as an bhflaithiúlacht lenar roinn sibh bhur gcuid orthu féin agus ar chách eile.

[14]Agus beidh siad ag guí oraibh go geanúil de bharr an ghrásta as cuimse a bhronn Dia oraibh.

[15]Buíochas le Dia mar gheall ar a thabhartas do-inste!

2 Coríntios 10

Paulo defende a sua autoridade apostólica

1 E eu mesmo, Paulo, vos rogo, pela mansidão e benignidade de Cristo, eu que, na verdade, quando presente entre vós, sou humilde; mas, quando ausente, ousado para convosco,

2 sim, eu vos rogo que não tenha de ser ousado, quando presente, servindo-me daquela firmeza com que penso devo tratar alguns que nos julgam como se andássemos em disposições de mundano proceder.

3 Porque, embora andando na carne, não militamos segundo a carne.

4 Porque as armas da nossa milícia não são carnais, e sim poderosas em Deus, para destruir fortalezas, anulando nós sofismas

5 e toda altivez que se levante contra o conhecimento de Deus, e levando cativo todo pensamento à obediência de Cristo,

6 e estando prontos para punir toda desobediência, uma vez completa a vossa submissão.

7 Observai o que está evidente. Se alguém confia em si que é de Cristo, pense outra vez consigo mesmo que, assim como ele é de Cristo, também nós o somos.

8 Porque, se eu me gloriar um pouco mais a respeito da nossa autoridade, a qual o SENHOR nos conferiu para edificação e não para destruição vossa, não me envergonharei,

2 Corantaigh 10

Pól á Chosaint Féin

1Tá achainí phearsanta á iarraidh agam oraibh as ucht cineáltas agus ceansacht Chríost, ós duine mise, Pól, a bhíonn go huiríseal agus mé in bhur láthair agus go dána libh agus mé i bhfad uaibh.

2Táim a iarraidh oraibh gan a thabhairt orm bheith dána nuair a thiocfaidh mé chugaibh agus feidhm a bhaint as an teanntas úd a mheasaim a úsáid in aghaidh daoine áirithe a cheapann gurb iad bealaí an tsaoil seo a leanaimid.

3Mairimid sa saol, is fíor, ach ní de réir ghnás an tsaoil seo a fhearaimid cath.

4Na hairm chogaidh a bheartaímid, ní airm shaolta iad ach airm a bhfuil cumas ó Dhia acu daingin a threascairt. Leagaimid ar lár leo argóintí

5agus gach sórt móiréise a sheasann in aghaidh eolas Dé, agus déanaimid cime de gach smaoineamh d'fhonn é a chur faoi réir Chríost.

6Agus táimid réidh chun gach saghas míréire a smachtú an túisce a bheidh sibhse faoi réir go hiomlán.

7Féachaigí ar a bhfuil os comhair bhur súl. Aon duine a áitíonn air féin gur le Críost é, smaoiníodh sé arís ar an méid seo: gur le Críost sinne chomh maith céanna leis.

8Má dhéanaim maíomh beagán thar fóir as ár gcuid údaráis - údarás a thug an Tiarna dúinn chun sibhse a thógáil agus ní chun sibh a leagan - ní bhfaighidh mé aon náire mar gheall air.

[9] para que não pareça ser meu intuito intimidar-vos por meio de cartas.

[10] As cartas, com efeito, dizem, são graves e fortes; mas a presença pessoal dele é fraca, e a palavra, desprezível.

[11] Considere o tal isto: que o que somos na palavra por cartas, estando ausentes, tal seremos em atos, quando presentes.

[12] Porque não ousamos classificar-nos ou comparar-nos com alguns que se louvam a si mesmos; mas eles, medindo-se consigo mesmos e comparando-se consigo mesmos, revelam insensatez.

A esfera da ação missionária de Paulo

[13] Nós, porém, não nos gloriaremos sem medida, mas respeitamos o limite da esfera de ação que Deus nos demarcou e que se estende até vós.

[14] Porque não ultrapassamos os nossos limites como se não devêssemos chegar até vós, posto que já chegamos até vós com o evangelho de Cristo;

[15] não nos gloriando fora de medida nos trabalhos alheios e tendo esperança de que, crescendo a vossa fé, seremos sobremaneira engrandecidos entre vós, dentro da nossa esfera de ação,

[16] a fim de anunciar o evangelho para além das vossas fronteiras, sem com isto nos gloriarmos de coisas já realizadas em campo alheio.

[9]Ní maith liom go gceapfaí gur le litreacha amháin a dhéanaim bagairt.

[10]“Bíonn a chuid litreacha daingean, feidhmiúil,” a deir daoine, “ach is dearóil an teacht i láthair atá ann agus tá a chuid urlabhra gan éifeacht.”

[11]Tuigeadh a leithéid sin ina aigne go mbíonn ár mbeart ar an láthair ag cur leis an mbriathar a scríobhtar i bhfad uaibh.

[12]Ní bheadh sé de dhánacht ionainn gan dabht sinn féin a chur i gcomórtas ná i gcoimheas le daoine áirithe a bhíonn á gcur féin i gcion. Ach ní maith an chiall dóibhsean iad féin a thomhas ná a mheas dá réir féin.

[13]Nílimidne chun dul thar fóir leis an maíomh, áfach; fanfaimid laistigh den limistéar a leag Dia amach dúinn agus a shíneann chomh fada libhse.

[14]Nílimid ag dul thar teorainn amhail is nach mbeimis tagtha comh fada libh, mar bhíomar ar na chéad daoine a thug dea-scéal Chríost chugaibh.

[15]Nílimid ag dul thar cailc, más ea, agus ag maíomh as saothar daoine eile. Agus tá súil againn, de réir mar a mhéadaíonn ar bhur gcreideamhsa, go dtiocfaidh borradh agus fás ar an saothar a rinneamar in bhur measc laistigh dár limistéar féin,

[16]agus go ndéanfaimid an dea-scéal a fhógairt thar bhur gcríocha amach agus nach mbeimid ag maíomh as an obair atá déanta cheana ag duine eile sa ghort a bhí leagtha amach dó.

[17] Aquele, porém, que se gloria, glorie-se no SENHOR.
[18] Porque não é aprovado quem a si mesmo se louva, e sim aquele a quem o SENHOR louva.

2 Coríntios 11

Paulo continua a sua defesa

[1] Quisera eu me suportásseis um pouco mais na minha loucura. Suportai-me, pois.

[2] Porque zelo por vós com zelo de Deus; visto que vos tenho preparado para vos apresentar como virgem pura a um só esposo, que é Cristo.
[3] Mas receio que, assim como a serpente enganou a Eva com a sua astúcia, assim também seja corrompida a vossa mente e se aparte da simplicidade e pureza devidas a Cristo.

[4] Se, na verdade, vindo alguém, prega outro Jesus que não temos pregado, ou se aceitais espírito diferente que não tendes recebido, ou evangelho diferente que não tendes abraçado, a esse, de boa mente, o tolerais.

[5] Porque suponho em nada ter sido inferior a esses tais apóstolos.
[6] E, embora seja falto no falar, não o sou no conhecimento; mas, em tudo e por todos os modos, vos temos feito conhecer isto.

O desprendimento do apóstolo

[17]“An té a bhfuil fonn maíte air, déanadh sé maíomh as an Tiarna,”

[18]mar ní hé an fear a mholann é féin atá dea-mheasta ach an fear a molann Dia é.

2 Corantaigh 11

Pól agus na hAspail Bhréige

[1]Ba mhaith liom dá gcuirfeadh sibh suas anois le beagán díth céille uaimse. Déanaigí sin, más ea.
[2]Táim ag éad libh mar a bheadh Dia féin, mar tá sibh luaite agam le Críost mar a bheadh maighdean gheanmnaí á tabhairt dá haon fhear céile.
[3]Ach faoi mar a mheall an nathair nimhe Éabha lena chuid glicis tráth, is é eagla atá orm go gclaonfar bhur smaointe agus go dtréigfidh sibh bhur nglandílseacht do Chríost.
[4]Mar, má thagann duine éigin ag fógairt Íosa daoibh nach é an té a fhógraíomana, nó má fhaigheann sibh spiorad nach é an Spiorad a fuair sibh uainne, nó má ghlacann sibh le dea-scéal seachas an dea-scéal lenar ghlac sibh, is breá mar a chuireann sibh suas leis.
[5]Ní dóigh liom go bhfuilimse pioc chun deiridh ar na sáraspail sin.

[6]Más tuata féin ar urlabhra mé, ní aon tuata mé ar eolas, rud atá léirithe agam i ngach slí daoibh riamh anall.

[7] Cometi eu, porventura, algum pecado pelo fato de viver humildemente, para que fôsseis vós exaltados, visto que gratuitamente vos anunciei o evangelho de Deus?

[7]Nó an é peaca atá déanta agam dea-scéal Dé a fhógairt daoibh saor in aisce agus mé féin a ísliú d'fhonn sibhse a ardú?

[8] Despojei outras igrejas, recebendo salário, para vos poder servir,

[8]Lom mé eaglaisí eile agus ghlac mé pá uathu chun freastal oraibhse;

[9] e, estando entre vós, ao passar privações, não me fiz pesado a ninguém; pois os irmãos, quando vieram da Macedônia, supriram o que me faltava; e, em tudo, me guardei e me guardarei de vos ser pesado.

[9]agus fad a bhí mé in bhur measc agus mé ar an ngannchuid, ní raibh mé i mo mhuirear ar dhuine ar bith agaibh mar ba iad na bráithre a tháinig ón Macadóin a choinnigh riar mo cháis liom. Níor lig mé dom féin bheith i m'ualach ar bith oraibh ná ní ligfidh mé amach anseo.

[10] A verdade de Cristo está em mim; por isso, não me será tirada esta glória nas regiões da Acaia.

[10]Dar fírinne Chríost ionam, ní mhúchfar an maíomh seo ionam laistigh de chríocha Acháia.

[11] Por que razão? É porque não vos amo? Deus o sabe.

[11]Agus cén fáth? Toisc nach bhfuil cion agam oraibhse, an ea? Tá a fhios ag Dia go bhfuil.

[12] Mas o que faço e farei é para cortar ocasião àqueles que a buscam com o intuito de serem considerados iguais a nós, naquilo em que se gloriam.

[12]An ní seo atáim a dhéanamh leanfaidh mé á dhéanamh sa tslí nach bhfágfaidh mé cos fúthu siúd a bhíonn i gcónaí ag lorg leithscéil chun bheith ag maíomh go bhfuil siad ar aon chéim linne.

[13] Porque os tais são falsos apóstolos, obreiros fraudulentos, transformando-se em apóstolos de Cristo.

[13]Níl iontu siúd ach aspail bhréige, oibreoirí mímhacánta faoi riocht aspail Chríost.

[14] E não é de admirar, porque o próprio Satanás se transforma em anjo de luz.

[14]Ach cá hionadh sin, nuair a chuireann Sátan féin riocht an aingil ghil air féin?

[15] Não é muito, pois, que os seus próprios ministros se transformem em ministros de justiça; e o fim deles será conforme as suas obras.

[15]Ní mór an ní é, dá bhrí sin, má théann a sheirbhísigh sin i riocht sheirbhísigh na fíréantachta. Bhéarfaidh críoch iad sin, áfach, a bheidh de réir a ngníomhartha.

Os sofrimentos de Paulo por amor do evangelho

Piolóidí an Aspail

[16] Outra vez digo: ninguém me considere insensato; todavia, se o pensais, recebei-me como insensato, para que também me glorie um pouco.

[17] O que falo, não o falo segundo o SENHOR, e sim como por loucura, nesta confiança de gloriar-me.

[18] E, posto que muitos se gloriam segundo a carne, também eu me gloriarei.

[19] Porque, sendo vós sensatos, de boa mente tolerais os insensatos.

[20] Tolerais quem vos escravize, quem vos devore, quem vos detenha, quem se exalte, quem vos esbofeteie no rosto.

[21] Ingloriamente o confesso, como se fôramos fracos. Mas, naquilo em que qualquer tem ousadia (com insensatez o afirmo), também eu a tenho.

[22] São hebreus? Também eu. São israelitas? Também eu. São da descendência de Abraão? Também eu.

[23] São ministros de Cristo? (Falo como fora de mim.) Eu ainda mais: em trabalhos, muito mais; muito mais em prisões; em açoites, sem medida; em perigos de morte, muitas vezes.

[16]Deirim arís é: ná tugadh aon duine meas amadáin ormsa. Ach más é sin an meas atá agaibh orm, glacaigí liom mar amadán go ndéanfaidh mé beagán mórtais chomh maith le cách.

[17]Níl an méid a deirim á rá agam le húdarás an Tiarna ach le barr díth céille agus mé ag maíomh go teann.

[18]Ós rud é go bhfuil mórán eile ag maíomh as a gcumas nádúrtha, déanfaidh mise maíomh chomh maith leo,

[19]mar tá sibhse chomh stuama sin go gcuireann sibh suas go fonnmhar le hamadáin:

[20]cuireann sibh suas, mar shampla, leis an duine a bhíonn ag déanamh giollaí díbh, nó ag déanamh foghla oraibh, nó ag teacht i dtír oraibh, nó ag cur gothaí air féin, nó ag tarraingt leiceadair oraibh.

[21]Is náir liom a admháil go bhfuilimidne rólag chun a leithéid a dhéanamh, ach aon ní a leomhfadh duine ar bith acu sin maíomh as - caint bhuile í seo - tá an maíomh céanna le déanamh agamsa.

[22]An Eabhraigh iad? Is ea mise freisin. An Iosraelaigh iad? Is ea mise chomh maith. An sliocht Abrahám iad? Is ea mise chomh maith céanna.

[23]An searbhóntaí do Chríost iad? Tá saochan céille anois orm ní foláir - ach is mó ná sin mise, mar is mó go mór a shaothraigh mé ná iad; ba mhinice i gcarcair mé: fuaireas léasadh gan áireamh agus ba mhinic mé i mbaol an bháis.

[24] Cinco vezes recebi dos judeus uma quarentena de açoites menos um;
[25] fui três vezes fustigado com varas; uma vez, apedrejado; em naufrágio, três vezes; uma noite e um dia passei na voragem do mar;

[26] em jornadas, muitas vezes; em perigos de rios, em perigos de salteadores, em perigos entre patrícios, em perigos entre gentios, em perigos na cidade, em perigos no deserto, em perigos no mar, em perigos entre falsos irmãos;

[27] em trabalhos e fadigas, em vigílias, muitas vezes; em fome e sede, em jejuns, muitas vezes; em frio e nudez.

[28] Além das coisas exteriores, há o que pesa sobre mim diariamente, a preocupação com todas as igrejas.
[29] Quem enfraquece, que também eu não enfraqueça? Quem se escandaliza, que eu não me inflame?
[30] Se tenho de gloriar-me, gloriar-me-ei no que diz respeito à minha fraqueza.

[31] O Deus e Pai do SENHOR Jesus, que é eternamente bendito, sabe que não minto.

[32] Em Damasco, o governador preposto do rei Aretas montou guarda na cidade dos damascenos, para me prender;
[33] mas, num grande cesto, me desceram por uma janela da muralha abaixo, e assim me livrei das suas mãos.

2 Coríntios 12

[24]Cúig uair fuair mé na naoi mbuillí is tríocha ó na Giúdaigh.
[25]Gabhadh de shlata orm faoi thrí agus gabhadh de chlocha orm aon uair amháin; longbhriseadh mé faoi thrí agus thug mé lá agus oíche san uisce.
[26]Ba mhinic i mo shiúlta mé agus gur bhaol dom aibhneacha agus gur bhaol dom robálaithe; ba bhaol dom mo chine féin agus ba bhaol dom na gintlithe. Ba bhaol dom sa chathair agus ba bhaol dom faoin bhfásach; ba bhaol dom ar muir agus ba bhaol dom na bráithre bréige.
[27]Ba mhinic ag saothar agus ag tiaráil mé agus ar easpa codlata; ba mhinic ocras agus tart orm agus mé gan bhia, gan teas, gan éadach.
[28]Agus gan na nithe eile a bhac, bíonn cúram na n-eaglaisí uile ina mhuirín laethúil orm.

[29]Cé bhaintear dá threoir nach mbímse scólta mar gheall air?

[30]Más éigean dom maíomh a dhéanamh, is as mo laigí féin a mhaífidh mé.
[31]Tá a fhios ag Dia, ag Athair ár dTiarna Íosa Críost, moladh go deo leis nach aon bhréag atáim á rá:

[32]i nDamaisc dom bhí ceannfort rí Aratas ag faire na cathrach chun mé a ghabháil;

[33]ach scaoileadh anuas i gciseán mé trí fhuinneog san fhalla agus d'éalaigh mé uaidh.

2 Corantaigh 12

As visões e revelações do Senhor

[1] Se é necessário que me glorie, ainda que não convém, passarei às visões e revelações do SENHOR.

[2] Conheço um homem em Cristo que, há catorze anos, foi arrebatado até ao terceiro céu (se no corpo ou fora do corpo, não sei, Deus o sabe)

[3] e sei que o tal homem (se no corpo ou fora do corpo, não sei, Deus o sabe)

[4] foi arrebatado ao paraíso e ouviu palavras inefáveis, as quais não é lícito ao homem referir.

[5] De tal coisa me gloriarei; não, porém, de mim mesmo, salvo nas minhas fraquezas.

[6] Pois, se eu vier a gloriar-me, não serei néscio, porque direi a verdade; mas abstenho-me para que ninguém se preocupe comigo mais do que em mim vê ou de mim ouve.

O espinho na carne

[7] E, para que não me ensoberbecesse com a grandeza das revelações, foi-me posto um espinho na carne, mensageiro de Satanás, para me esbofetear, a fim de que não me exalte.

[8] Por causa disto, três vezes pedi ao SENHOR que o afastasse de mim.

Físeanna agus Foilsithe

[1]Sea, is éigean dom maíomh a dhéanamh, cé nach aon tairbhe dom é, agus tráchtfaidh mé anois ar aislingí agus ar fhoilsithe an Tiarna.

[2]Tá aithne agam ar fhear i gCríost agus ceithre bliana déag ó shin fuadaíodh é go harda na bhflaitheas. Níl a fhios agam cé acu bhí sé ina cholainn nó lasmuigh di - ag Dia amháin atá a fhios -

[3]ach tá a fhios agam gur fuadaíodh an fear seo go Parthas - níl a fhios agamsa cé acu bhí sé ina cholainn nó lasmuigh dá cholainn, ag Dia atá a fhios -

[4]agus gur chuala sé briathra diamhara nach ceadmhach don daonnaí a aithris.

[5]Is as an duine sin a dhéanfaidh mé mórtas ach mórtas ar bith ní dhéanfaidh mé asam féin ach amháin as mo laigí.

[6]Dá mba mhian liom mórtas a dhéanamh, áfach, níorbh aon mhórtas amadáin é mar nach mbeadh agam á insint ach an fhírinne ghlan. Ní dhéanfaidh mé amhlaidh, áfach, le heagla go mbeadh breis measa ag daoine orm thar a bhfeiceann siad ionam ná thar a gcloiseann siad uaim.

[7]Agus le heagla go gcuirfeadh na foilsithe iontacha sin an iomarca éirí in airde orm, cuireadh bior sa bheo ionam, teachtaire ó Shátan chun mé a ghreadadh ar shlí nach dtiocfadh aon éirí in airde orm.

[8]D'agair mé an Tiarna faoi thrí é a chur díom,

[9] Então, ele me disse: A minha graça te basta, porque o poder se aperfeiçoa na fraqueza. De boa vontade, pois, mais me gloriarei nas fraquezas, para que sobre mim repouse o poder de Cristo.

[10] Pelo que sinto prazer nas fraquezas, nas injúrias, nas necessidades, nas perseguições, nas angústias, por amor de Cristo. Porque, quando sou fraco, então, é que sou forte.

As credenciais de um apóstolo

[11] Tenho-me tornado insensato; a isto me constrangestes. Eu devia ter sido louvado por vós; porquanto em nada fui inferior a esses tais apóstolos, ainda que nada sou.

[12] Pois as credenciais do apostolado foram apresentadas no meio de vós, com toda a persistência, por sinais, prodígios e poderes miraculosos.

[13] Porque, em que tendes vós sido inferiores às demais igrejas, senão neste fato de não vos ter sido pesado? Perdoai-me esta injustiça.

Paulo deseja visitá-los

[14] Eis que, pela terceira vez, estou pronto a ir ter convosco e não vos serei pesado; pois não vou atrás dos vossos bens, mas procuro a vós outros. Não devem os filhos entesourar para os pais, mas os pais, para os filhos.

[9]ach is é a dúirt sé liom: “Is leor duit mo ghrásta, mar is tríd an laige a thagann an neart chun foirfeachta.” Is móide is fonn liom dá bhrí sin a bheith ag maíomh as mo laigí le hionchas go luífeadh cumhacht Chríost orm.

[10]Sin é fáth go bhfuilim sásta le mo laigí, leis na tarcaisní, na hangair, na géarleanúintí agus na cúngrachtaí a bhíonn le fulaingt agam ar son Chríost. Mar nuair a bhím lag, sin í an uair a bhím láidir.

Imní ar Phól faoi na Corantaigh

[11]Tá amadán déanta agam díom féin, agus is sibhse faoi deara dom é mar is daoibhse ba chóir mo pháirt a ghlacadh. Mura fiú le háireamh féin mé, ní mhaithfinn bonn do na sáraspail úd.

[12]Tá comharthaí an aspail curtha i gcrích le barr foighne in bhur measc le míorúiltí agus le hiontais agus le fearta.

[13]Cad é an buntáiste a bhí ag na heaglaisí eile oraibh ach amháin nach raibh mise i mo mhuirín oraibh? Maithigí dom an éagóir sin!

[14]Seo anois an tríú huair dom a bheith réidh chun teacht chugaibh. Ach ní chuirfidh mé aon chostas oraibh mar ní hé bhur gcuid atá uaim ach sibh féin. Tar éis an tsaoil níl d'fhiacha ar leanaí stór a chur i dtaisce dá dtuismitheoirí ach is ar na tuismitheoirí atá sé d'fhiacha stór a chur i dtaisce dá gclann.

[15] Eu de boa vontade me gastarei e ainda me deixarei gastar em prol da vossa alma. Se mais vos amo, serei menos amado?

[16] Pois seja assim, eu não vos fui pesado; porém, sendo astuto, vos prendi com dolo.

[17] Porventura, vos explorei por intermédio de algum daqueles que vos enviei?

[18] Roguei a Tito e enviei com ele outro irmão; porventura, Tito vos explorou? Acaso, não temos andado no mesmo espírito? Não seguimos nas mesmas pisadas?

Paulo apela para o juiz de todos

[19] Há muito, pensais que nos estamos desculpando convosco. Falamos em Cristo perante Deus, e tudo, ó amados, para vossa edificação.

[20] Temo, pois, que, indo ter convosco, não vos encontre na forma em que vos quero, e que também vós me acheis diferente do que esperáveis, e que haja entre vós contendas, invejas, iras, porfias, detrações, intrigas, orgulho e tumultos.

[21] Receio que, indo outra vez, o meu Deus me humilhe no meio de vós, e eu venha a chorar por muitos que, outrora, pecaram e não se arrependeram da impureza, prostituição e lascívia que cometeram.

[15]Caithfidh mise mo stór oraibhse go fonnmhar agus caithfidh mé mé féin oraibh chomh maith. Má tá grá thar fóir agam daoibh, an lúide an grá a bheidh orm?

[16]Bíodh féin nach raibh mé i mo mhuirín oraibh, bhí mé chomh glic sin, a deir sibh, gur rug mé oraibh le cealg.

[17]An amhlaidh a rug mé buntáiste oraibh trí dhuine éigin dár sheol mé chugaibh?

[18]D'iarr mé ar Thíteas dul chugaibh agus chuir mé an bráthair lena chois. An é Títeas a rinne an slad oraibh? Nach é an Spiorad céanna a bhí dár seoladh araon agus nár leanamar araon an lorg céanna?

[19]An é atá á cheapadh agaibh ar feadh an ama gur ag seasamh ár gcirt libh a bhíomar? Ní hea sin! Is i bhfianaise Dé atáim ag labhairt agus i gCríost. Ní raibh d'aidhm againn tríd síos, a chlann ó, ach sibhse a thógáil.

[20]Mar is é eagla atá orm, nuair a thiocfaidh mé chugaibh nach mbeidh sibhse mar ba mhaith liom sibh a bheith agus nach mbeidh mise mar ba mhaith libhse mé a bheith. Is eagal liom go mbeidh achrann agus éad, go mbeidh aighneas ann agus imreas, cáineadh agus cúlghearradh, mustar agus mí-ord.

[21]Tá eagla orm nuair a thiocfaidh mé arís go n-ísleoidh mo Dhia mé os bhur gcomhair agus go mbeidh mé ag mairgneach faoina liacht daoine a rinne peacaí mígheanmnaíochta agus drúise

agus collaíochta agus nach ndearna aithrí iontu go fóill.

2 Coríntios 13

Paulo promete investigar e castigar

[1] Esta é a terceira vez que vou ter convosco. Por boca de duas ou três testemunhas, toda questão será decidida.

[2] Já o disse anteriormente e torno a dizer, como fiz quando estive presente pela segunda vez; mas, agora, estando ausente, o digo aos que, outrora, pecaram e a todos os mais que, se outra vez for, não os pouparei,

[3] posto que buscais prova de que, em mim, Cristo fala, o qual não é fraco para convosco; antes, é poderoso em vós.

[4] Porque, de fato, foi crucificado em fraqueza; contudo, vive pelo poder de Deus. Porque nós também somos fracos nele, mas viveremos, com ele, para vós outros pelo poder de Deus.

[5] Examinai-vos a vós mesmos se realmente estais na fé; provai-vos a vós mesmos. Ou não reconheceis que Jesus Cristo está em vós? Se não é que já estais reprovados.

[6] Mas espero reconheçais que não somos reprovados.

[7] Estamos orando a Deus para que não façais mal algum, não para que, simplesmente, pareçamos aprovados, mas para que façais o bem, embora sejamos tidos como reprovados.

2 Corantaigh 13

Foláirimh Dheireanacha

[1]Is é seo an tríú huair agam ag teacht chugaibh. "Deimhneofar gach scéal ar fhocal a dó nó a trí d'fhinnéithe."

[2]Thug mé foláireamh cheana dóibh sin a rinne peaca roimh ré agus don chuid eile go léir; agus tugaim foláireamh dóibh anois agus mé as láthair, faoi mar a rinne agus mé i láthair don dara huair, nach ndéanfaidh mé trua ar bith daoibh má thagaim arís -

[3]ós rud é go bhfuil cruthúnas uaibh gurb é Críost atá ag labhairt ionamsa. Níl aon laige ann siúd ina chuid plé libhse ach é go cumasach in bhur measc.

[4]Is fíor gur céasadh ar an gcrois é le barr laige ach tá sé beo anois le cumhacht Dé. Is é an dála céanna againne é: táimidne lag ann ach beimid beo mar aon leis trí chumhacht Dé chun freastal oraibhse.

[5]Déanaigí sibh féin a thriail agus a thástáil féachaint an bhfuil sibh ag leanúint den chreideamh. Nó an é nach dtuigeann sibh go bhfuil Íosa Críost ionaibh - rud atá mura bhfuil cliste oraibh?

[6]Tá súil agam, áfach, go dtuigfidh sibh nach bhfuil cliste orainne.

[7]Táimid ag guí Dé nach ndéanfaidh sibh aon olc - ach ní d'fhonn a thaispeáint go bhfuil éirithe linn sa triail é, ach d'fhonn is go ndéanfadh sibhse an mhaith fiú

amháin dá ndealródh sé go raibh teipthe orainn.

[8] Porque nada podemos contra a verdade, senão em favor da própria verdade.

[8]Ní féidir dúinn aon ní a dhéanamh in aghaidh na fírinne ach ar son na fírinne amháin.

[9] Porque nos regozijamos quando nós estamos fracos e vós, fortes; e isto é o que pedimos: o vosso aperfeiçoamento.

[9]Bíonn áthas orainn fiú amháin nuair a bhímid féin lag agus sibhse go láidir. Is é ár nguí go gcuirfear sibhse ar lán bhur leasa.

[10] Portanto, escrevo estas coisas, estando ausente, para que, estando presente, não venha a usar de rigor segundo a autoridade que o SENHOR me conferiu para edificação e não para destruir.

[10]Is é fáth a bhfuilim á scríobh seo chugaibh agus mé i bhfad uaibh, i dtreo nuair a thiocfaidh mé ar an láthair nach gá dom an déine a oibriú oraibh de réir an údaráis a bhronn an Tiarna orm, údarás chun sibh a thógáil in áit sibh a leagan ar lár.

Saudações

[11] Quanto ao mais, irmãos, adeus! Aperfeiçoai-vos, consolai-vos, sede do mesmo parecer, vivei em paz; e o Deus de amor e de paz estará convosco.

Slán

[11]Agus anois, a bhráithre, fágaim slán agaibh. Déanaigí bhur mbeatha a leasú. Tugaigí spreagadh dá chéile. Bígí socair síochánta le chéile agus beidh Dia an ghrá agus na síochána faraibh.

[12] Saudai-vos uns aos outros com ósculo santo. Todos os santos vos saúdam.

[12]Beannaígí dá chéile leis an bpóg naofa. Cuireann na naoimh go léir a mbeannacht chugaibh.

A bênção

[13] A graça do SENHOR Jesus Cristo, e o amor de Deus, e a comunhão do Espírito Santo sejam com todos vós.

[13] Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.

Epístola de Paulo aos Gálatas	Galataigh

Gálatas 1

Prefácio e saudação

[1] Paulo, apóstolo, não da parte de homens, nem por intermédio de homem algum, mas por Jesus Cristo e por Deus Pai, que o ressuscitou dentre os mortos,

[2] e todos os irmãos meus companheiros, às igrejas da Galácia,

[3] graça a vós outros e paz, da parte de Deus, nosso Pai, e do [nosso] SENHOR Jesus Cristo,

[4] o qual se entregou a si mesmo pelos nossos pecados, para nos desarraigar deste mundo perverso, segundo a vontade de nosso Deus e Pai,

[5] a quem seja a glória pelos séculos dos séculos. Amém!

A inconstância dos gálatas

[6] Admira-me que estejais passando tão depressa daquele que vos chamou na graça de Cristo para outro evangelho,

[7] o qual não é outro, senão que há alguns que vos perturbam e querem perverter o evangelho de Cristo.

[8] Mas, ainda que nós ou mesmo um anjo vindo do céu vos pregue evangelho que vá além do que vos temos pregado, seja anátema.

[9] Assim, como já dissemos, e agora repito, se alguém vos prega evangelho que vá além daquele que recebestes, seja anátema.

Galataigh 1

Beannú

[1]Mise Pól aspal - ach ní ó dhaoine ná trí dhuine ach trí Íosa Críost agus Dia an tAthair, a thóg ó mhairbh é.

[2]Táim féin agus a bhfuil i mo theannta de na bráithre ag cur ár mbeannachta chuig eaglaisí na Galaite.

[3]Grásta chugaibh agus síocháin ó Dhia ár nAthair agus ón Tiarna Íosa Críost

[4]a thug suas é féin in éiric ár bpeacaí chun sinn a fhuascailt ón saol urchóideach seo de réir mar ba thoil le Dia ár nAthair

[5]moladh go deo leis. Amen.

Níl ann ach an tAon Dea-scéal Amháin

[6]Is ionadh liom a thapúla atá sibh ag tréigean an té a ghlaoigh oraibh i ngrásta Chríost agus ag iompú ar dhea-scéal eile.

[7]Níl aon dea-scéal eile ann ar ndóigh ach go bhfuil daoine áirithe ag cur mearbhaill oraibh agus ag iarraidh dea-scéal Chríost a chur as a riocht.

[8]Mar, má dhéanaimidne féin nó aingeal ó neamh dea-scéal a fhógairt daoibh a bheadh bunoscionn leis an dea-scéal atá fógartha againn, go raibh mallacht Dé air.

[9]An ní atá ráite againn, deirim anois arís é: duine ar bith a dhéanann dea-scéal a fhógairt daoibh atá bunoscionn leis an

O evangelho que Paulo recebeu e pregou

[10] Porventura, procuro eu, agora, o favor dos homens ou o de Deus? Ou procuro agradar a homens? Se agradasse ainda a homens, não seria servo de Cristo.

[11] Faço-vos, porém, saber, irmãos, que o evangelho por mim anunciado não é segundo o homem,

[12] porque eu não o recebi, nem o aprendi de homem algum, mas mediante revelação de Jesus Cristo.

[13] Porque ouvistes qual foi o meu proceder outrora no judaísmo, como sobremaneira perseguia eu a igreja de Deus e a devastava.

[14] E, na minha nação, quanto ao judaísmo, avantajava-me a muitos da minha idade, sendo extremamente zeloso das tradições de meus pais.

[15] Quando, porém, ao que me separou antes de eu nascer e me chamou pela sua graça, aprouve

[16] revelar seu Filho em mim, para que eu o pregasse entre os gentios, sem detença, não consultei carne e sangue,

[17] nem subi a Jerusalém para os que já eram apóstolos antes de mim, mas parti

dea-scéal atá faighte agaibh, go raibh mallacht Dé anuas air.

[10]Cé atáim ag iarraidh a mhealladh chugam anois, daoine nó Dia? An daoine a shásamh is mian liom? Dá mba daoine a bhí mé ag iarraidh a shásamh, ní i mo sclábha ag Críost a bheinn.

Mar a Rinneadh Aspal de Phól

[11]An dea-scéal atá fógartha agamsa, a bhráithre, geallaimse daoibh nach aon earra daonna atá ann.

[12]Ní ó dhuine a fuair mise é ná ó mhúinteoir ar bith, ach trí fhoilsiú ó Íosa Críost.

[13]Chuala sibh iomrá, ní foláir, ar mo chuid iompair tráth nuair a lean mé an creideamh Giúdach, mar a rinne mé géarleanúint as cuimse ar eaglais Dé ag iarraidh í a dhíothú,

[14]agus mar a sháraigh mé formhór lucht mo linne de mo chine féin i gcleachtadh an Ghiúdachais, de bharr na díograise thar meán a bhí ionam i dtaobh thraidisiúin mo shinsear.

[15]Ach nuair ba dheoin leis an té, a dhealaigh amach mé fad a bhí mé fós i mbroinn mo mháthar, agus a ghlaoigh chuige féin mé as ucht a ghrásta -

[16]nuair ba dheoin leis siúd a Mhac a fhoilsiú dom chun go gcraobhscaoilfinn a dhea-scéal i measc na ngintlithe, ní dheachaigh mé i gcomhairle le daonnaí ar bith

[17]ná ní dheachaigh mé suas go Iarúsailéim ag triall ar na daoine a bhí ina n-aspail

para as regiões da Arábia e voltei, outra vez, para Damasco.

romham, ach imeacht liom láithreach chun na hAráibe agus ar ais go Damaisc ina dhiaidh sin.

Paulo vai a Jerusalém, Síria e Cilícia

18 Decorridos três anos, então, subi a Jerusalém para avistar-me com Cefas e permaneci com ele quinze dias;

18Trí bliana ina dhiaidh sin chuaigh mé suas go Iarúsailéim ag fiosrú Chéafais agus thug mé coicís ina theannta,

19 e não vi outro dos apóstolos, senão Tiago, o irmão do SENHOR.

19ach duine ar bith eile de na haspail ní fhaca mé ach amháin Séamas, bráthair an Tiarna.

20 Ora, acerca do que vos escrevo, eis que diante de Deus testifico que não minto.

20Dearbhaím i bhfianaise Dé nach bhfuil focal bréige ina bhfuil á scríobh agam.

21 Depois, fui para as regiões da Síria e da Cilícia.

21Agus is go dúichí na Síre agus na Siléise a chuaigh mé ina dhiaidh sin.

22 E não era conhecido de vista das igrejas da Judéia, que estavam em Cristo.

22Ní raibh aithne súl fós ag eaglais Chríost in Iúdáia orm;

23 Ouviam somente dizer: Aquele que, antes, nos perseguia, agora, prega a fé que, outrora, procurava destruir.

23ní raibh acu ach scéal scéil "faoin duine úd a bhíodh dár ngéarleanúint tráth agus atá anois ag craobhscaoileadh an chreidimh a bhíodh sé ag iarraidh a scriosadh roimhe seo,"

24 E glorificavam a Deus a meu respeito.

24agus thugaidís glóir do Dhia mar gheall orm.

Gálatas 2

O apostolado aos judeus e aos gentios

1 Catorze anos depois, subi outra vez a Jerusalém com Barnabé, levando também a Tito.

2 Subi em obediência a uma revelação; e lhes expus o evangelho que prego entre os gentios, mas em particular aos que pareciam de maior influência, para, de algum modo, não correr ou ter corrido em vão.

Galataigh 2

Glacann na hAspail eile le Pól

1Faoi chionn ceithre bliana déag chuaigh mé suas go Iarúsailéim arís, mé féin agus Barnabas, agus thug Títeas liom chomh maith.

2Foilsiú ó Dhia faoi deara dom dul ann; agus i gcomhairle phríobháideach leis na cinn urra chuir mé faoina mbráid an dea-scéal mar a bhím á fhógairt i measc na ngintlithe. Rinne mé amhlaidh le heagla go mba saothar in aisce dom an cúrsa a

bhí tugtha agam agus a bhí á thabhairt agam go fóill.

[3] Contudo, nem mesmo Tito, que estava comigo, sendo grego, foi constrangido a circuncidar-se.

[3]Ach fiú amháin Títeas a bhí le mo chois, ar a shon gur Ghréagach é, níor cuireadh iallach air a thimpeallghearradh

[4] E isto por causa dos falsos irmãos que se entremeteram com o fim de espreitar a nossa liberdade que temos em Cristo Jesus e reduzir-nos à escravidão;

[4]ainneoin na mbráithre bréige a tugadh isteach faoi choim. Shleamhnaigh siad san isteach le spiaireacht a dhéanamh ar an tsaoirse atá againn i gCríost, chun sinn a chur i ndaoirse;

[5] aos quais nem ainda por uma hora nos submetemos, para que a verdade do evangelho permanecesse entre vós.

[5]ach níor ghéilleamarna oiread agus nóiméad dóibh. Chuireamar ina gcoinne le hionchas go gcoimeádfaí fírinne an dea-scéil ar láimh shábháilte daoibhse.

[6] E, quanto àqueles que pareciam ser de maior influência (quais tenham sido, outrora, não me interessa; Deus não aceita a aparência do homem), esses, digo, que me pareciam ser alguma coisa nada me acrescentaram;

[6]Ach i dtaca leis na daoine measúla orthu - is cuma liomsa a chéimiúla a bhí siad mar ní fhéachann Dia ar phearsa seachas a chéile - ach níor chuir na cinn urra seo aon dualgas breise ormsa,

[7] antes, pelo contrário, quando viram que o evangelho da incircuncisão me fora confiado, como a Pedro o da circuncisão

[7]ach a mhalairt; d'aithin siad go raibh fógairt an dea-scéil don mhuintir gan timpeallghearradh curtha ina chúram ormsa chomh maith céanna agus a bhí fógairt an dea-scéil do lucht an timpeallghearrtha ina chúram ar Pheadar;

[8] (pois aquele que operou eficazmente em Pedro para o apostolado da circuncisão também operou eficazmente em mim para com os gentios)

[8]mar an té úd a bhí ag obair i bPeadar ina mhisean chuig lucht an timpeallghearrtha is é a bhí ag obair ionamsa i mo mhisean chuig na gintlithe.

[9] e, quando conheceram a graça que me foi dada, Tiago, Cefas e João, que eram reputados colunas, me estenderam, a mim e a Barnabé, a destra de comunhão, a fim

[9]Agus nuair a d'aithníodar an grásta a bhí bronnta orm, thug na crainn taca sin, Séamas agus Céafas agus Eoin, deaslámh na páirte dom féin agus do Bharnabas, ar

de que nós fôssemos para os gentios, e eles, para a circuncisão;

[10] recomendando-nos somente que nos lembrássemos dos pobres, o que também me esforcei por fazer.

Paulo repreende a Pedro. A justificação pela fé em Cristo Jesus

[11] Quando, porém, Cefas veio a Antioquia, resisti-lhe face a face, porque se tornara repreensível.

[12] Com efeito, antes de chegarem alguns da parte de Tiago, comia com os gentios; quando, porém, chegaram, afastou-se e, por fim, veio a apartar-se, temendo os da circuncisão.

[13] E também os demais judeus dissimularam com ele, a ponto de o próprio Barnabé ter-se deixado levar pela dissimulação deles.

[14] Quando, porém, vi que não procediam corretamente segundo a verdade do evangelho, disse a Cefas, na presença de todos: se, sendo tu judeu, vives como gentio e não como judeu, por que obrigas os gentios a viverem como judeus?

[15] Nós, judeus por natureza e não pecadores dentre os gentios,

[16] sabendo, contudo, que o homem não é justificado por obras da lei, e sim mediante a fé em Cristo Jesus, também temos crido em Cristo Jesus, para que fôssemos justificados pela fé em Cristo e

chuntar go rachaimisne chuig na gintlithe agus iad féin chuig na Giúdaigh.

[10]Níor chuir siad d'agús sa scéal ach go gcuimhneoimis ar na boicht, an rud céanna díreach a raibh fonn orm féin a dhéanamh.

Pól ag ceartú Pheadair in Aintíoch

[11]Rud eile de, nuair a tháinig Céafas go hAintíoch, chuir mé ina choinne lena bhéal mar bhí sé san éagóir.

[12]Chaitheadh sé bia leis na gintlithe nó gur tháinig daoine áirithe do bhuíon Shéamais ar an láthair, ach an túisce a tháinig siadsan thosaigh sé ag cúbadh chuige agus ag fanacht amach ó na gintlithe le heagla mhuintir an timpeallghearrtha.

[13]Agus ghabh an chuid eile de na Giúdaigh páirt leis sa chlaidhreacht i dtreo gur baineadh Barnabas féin dá threoir lena gcuid fimínteachta.

[14]Ach nuair a thug mé féin faoi deara nach raibh siad ionraic faoi fhírinne an dea-scéil, dúirt mé le Céafas i bhfianaise chách: “Má mhaireann tusa ar an nós gintlí in áit an nóis Ghiúdaigh ar a shon gur Giúdach tú féin, conas is féidir duit mar sin a thabhairt ar na gintlithe an nós Giúdach a leanúint?”

Teagasc Bunúsach Phóil

[15]Is Giúdaigh ó dhúchas sinne agus ní aon pheacaigh de shliocht gintlí atá ionainn.

[16]Tá a fhios againn ar a shon sin nach ó chomhlíonadh an dlí a fhíréanaítear duine ach trí chreideamh in Íosa Críost, agus dá réir sin chuireamar féin ár gcreideamh in Íosa Críost ionas go bhfíréanófaí sinn de

não por obras da lei, pois, por obras da lei, ninguém será justificado.

bharr ár gcreidimh ann seachas de bharr an dlí a chomhlíonadh, mar “ní fhíréanófar neach ar bith de bharr comhlíonadh an dlí”.

[17] Mas se, procurando ser justificados em Cristo, fomos nós mesmos também achados pecadores, dar-se-á o caso de ser Cristo ministro do pecado? Certo que não!

[17]Ach má fhaightear go bhfuilimidne peacúil leis agus sinn ag lorg na fíréantachta i gCríost, an bhfuil, más ea, lámh ag Críost sa pheaca? Níl ar chor ar bith!

[18] Porque, se torno a edificar aquilo que destruí, a mim mesmo me constituo transgressor.

[18]Má dhéanaim-sé, áfach, an córas a leag mé ar lár a chur suas arís, cruthaím ansin go bhfuilim ciontach.

[19] Porque eu, mediante a própria lei, morri para a lei, a fim de viver para Deus. Estou crucificado com Cristo;

[19]Mar is tríd an dlí a fuair mise bás i leith an dlí chun go mairfinn beo i leith Dé; céasadh ar an gcrois mé in éineacht le Críost

[20] logo, já não sou eu quem vive, mas Cristo vive em mim; e esse viver que, agora, tenho na carne, vivo pela fé no Filho de Deus, que me amou e a si mesmo se entregou por mim.

[20]agus ní mise a mhaireann beo feasta ach Críost a mhaireann ionam. An saol a chaithim sa cholainn anois, caithim é faoi luí an chreidimh atá agam i Mac Dé a thug suas é féin ar mo shon le neart grá dom.

[21] Não anulo a graça de Deus; pois, se a justiça é mediante a lei, segue-se que morreu Cristo em vão.

[21]Níl grásta Dé agam á chaitheamh uaim, óir más ón dlí a thagann fíréantacht, fuair Críost bás in aisce.

Gálatas 3

Paulo apela para a experiência dos gálatas

[1] Ó gálatas insensatos! Quem vos fascinou a vós outros, ante cujos olhos foi Jesus Cristo exposto como crucificado?

[2] Quero apenas saber isto de vós: recebestes o Espírito pelas obras da lei ou pela pregação da fé?

Galataigh 3

Is é an Creideamh a Fhíréanaíonn an Duine

[1]A Ghalatacha gan chiall, cé a d'imir an draíocht oraibh tar éis an léiriú gléineach a tugadh daoibh ar Íosa Críost céasta?

[2]Tá aon cheist amháin agam oraibh: an de bharr an dlí a chomhlíonadh a fuair sibh an Spiorad, nó de chionn gur chreid sibh an teachtaireacht a chuala sibh?

[3] Sois assim insensatos que, tendo começado no Espírito, estejais, agora, vos aperfeiçoando na carne?

[3]Conas a d'fhéadfadh sibh bheith chomh héaganta sin? Tar éis daoibh tosú leis an Spiorad, an bhfuil sibh ag críochnú anois leis an gcolainn?

[4] Terá sido em vão que tantas coisas sofrestes? Se, na verdade, foram em vão.

[4]An saothar in aisce a bhfuil gafa tríd agaibh? má ba in aisce é.

[5] Aquele, pois, que vos concede o Espírito e que opera milagres entre vós, porventura, o faz pelas obras da lei ou pela pregação da fé?

[5]Nuair a bhronnann Dia an Spiorad oraibh agus éachtaí a dhéanamh in bhur measc, an de bharr an dlí a chomhlíonadh a dhéanann sé amhlaidh nó de chionn gur chreid sibh an teachtaireacht

A experiência de Abraão

[6] É o caso de Abraão, que creu em Deus, e isso lhe foi imputado para justiça.

[6]dála mar a rinne Abrahám; chreid seisean Dia agus áiríodh ina fhíréantacht aige é.

[7] Sabei, pois, que os da fé é que são filhos de Abraão.

[7]Bíodh a fhios agaibh mar sin gurb iad lucht an chreidimh atá ina gclann ag Abrahám.

[8] Ora, tendo a Escritura previsto que Deus justificaria pela fé os gentios, preanunciou o evangelho a Abraão: Em ti, serão abençoados todos os povos.

[8]Chonaic an scrioptúr roimh ré gur de bharr an chreidimh a fhíréanódh Dia na gintlithe agus réamhfhógair an dea-scéal sin d'Abrahám: “Beannófar ionatsa na náisiúin uile.”

[9] De modo que os da fé são abençoados com o crente Abraão.

[9]Fágann sin gurb iad lucht an chreidimh atá beannaithe mar aon le hAbrahám, fear an chreidimh.

[10] Todos quantos, pois, são das obras da lei estão debaixo de maldição; porque está escrito: Maldito todo aquele que não permanece em todas as coisas escritas no Livro da lei, para praticá-las.

[10]Iad siúd atá ag brath ar an dlí, áfach, tá mallacht anuas orthu, mar tá scríofa: “Is mallaithe gach n-aon nach gcloíonn lena bhfuil scríofa i leabhar an dlí agus iad a chur i gcrích.”

[11] E é evidente que, pela lei, ninguém é justificado diante de Deus, porque o justo viverá pela fé.

[11]Is léir nach bhfíréanaítear duine ar bith ag an dlí i bhfianaise Dé, mar “is le creideamh a mhairfidh an fíréan”.

[12] Ora, a lei não procede de fé, mas: Aquele que observar os seus preceitos por eles viverá.

[12]Ní ar chreideamh atá an dlí ag brath, áfach, mar is é a deirtear sa dlí “an té a

dhéanfaidh na nithe seo beidh sé beo dá mbarr”.

[13] Cristo nos resgatou da maldição da lei, fazendo-se ele próprio maldição em nosso lugar (porque está escrito: Maldito todo aquele que for pendurado em madeiro),

[13]Ach d'fhuascail Críost ó mhallacht an dlí sinn nuair a rinneadh rud mallaithe de féin ar ár son mar tá scríofa: “Is mallaithe cách a chrochtar ar chrann.”

[14] para que a bênção de Abraão chegasse aos gentios, em Jesus Cristo, a fim de que recebêssemos, pela fé, o Espírito prometido.

[14]Tharla amhlaidh chun go dtitfeadh beannacht Abrahám ar na gintlithe in Íosa Críost agus go bhfaighimisne, tríd an gcreideamh, an Spiorad a bhí geallta.

A lei não pode invalidar a promessa

Ní Chealaíonn an Dlí an Gealltanas

[15] Irmãos, falo como homem. Ainda que uma aliança seja meramente humana, uma vez ratificada, ninguém a revoga ou lhe acrescenta alguma coisa.

[15]Tógaimis sampla ón ngnáthshaol, a bhráithre. Nuair a bhíonn uacht daingnithe mar is cuí, ní dhéanann aon duine í a chealú ná cur léi.

[16] Ora, as promessas foram feitas a Abraão e ao seu descendente. Não diz: E aos descendentes, como se falando de muitos, porém como de um só: E ao teu descendente, que é Cristo.

[16]Anois, is d'Abrahám agus dá shíol a tugadh na gealltanais, agus féach ní “do do shíolta” atá ráite faoi mar bheifí ag tagairt dá lán daoine, ach “do do shíol” - ag tagairt don aon duine amháin, is é sin, do Chríost.

[17] E digo isto: uma aliança já anteriormente confirmada por Deus, a lei, que veio quatrocentos e trinta anos depois, não a pode ab-rogar, de forma que venha a desfazer a promessa.

[17]Ach is chuige seo atáim: an conradh a bhí daingnithe ag Dia, ní féidir don reacht a tháinig i bhfeidhm ceithre chéad agus tríocha bliain ina dhiaidh sin an conradh sin a chur ar ceal agus an gealltanas a chur ar neamhní.

[18] Porque, se a herança provém de lei, já não decorre de promessa; mas foi pela promessa que Deus a concedeu gratuitamente a Abraão.

[18]Más le ceart dlí a thagann an oidhreacht, ní de bharr gealltanais í a thuilleadh. Is trí ghealltanas, áfach, a bhronn Dia ar Abrahám í.

Feidhm an Dlí

[19] Qual, pois, a razão de ser da lei? Foi adicionada por causa das transgressões, até que viesse o descendente a quem se fez

[19]Cad chuige an dlí mar sin? Cuireadh leis an gconradh é toisc na gcionta nó go dtiocfadh an síol úd ar tugadh an

a promessa, e foi promulgada por meio de anjos, pela mão de um mediador.

[20] Ora, o mediador não é de um, mas Deus é um.

[21] É, porventura, a lei contrária às promessas de Deus? De modo nenhum! Porque, se fosse promulgada uma lei que pudesse dar vida, a justiça, na verdade, seria procedente de lei.

[22] Mas a Escritura encerrou tudo sob o pecado, para que, mediante a fé em Jesus Cristo, fosse a promessa concedida aos que crêem.

A tutela da lei para nos conduzir a Cristo

[23] Mas, antes que viesse a fé, estávamos sob a tutela da lei e nela encerrados, para essa fé que, de futuro, haveria de revelar-se.

[24] De maneira que a lei nos serviu de aio para nos conduzir a Cristo, a fim de que fôssemos justificados por fé.

[25] Mas, tendo vindo a fé, já não permanecemos subordinados ao aio.

[26] Pois todos vós sois filhos de Deus mediante a fé em Cristo Jesus;

[27] porque todos quantos fostes batizados em Cristo de Cristo vos revestistes.

[28] Dessarte, não pode haver judeu nem grego; nem escravo nem liberto; nem homem nem mulher; porque todos vós sois um em Cristo Jesus.

[29] E, se sois de Cristo, também sois descendentes de Abraão e herdeiros segundo a promessa.

gealltanas dó. Ordaíodh trí bhíthin aingeal é le cabhair idirghabhálaí.

[20]Níl feidhm le hidirghabhálaí ag duine aonair agus is aon Dia.

[21]An bhfuil an dlí bunoscionn le gealltanais Dé mar sin? Níl ar chor ar bith. Dá dtugtaí dlí, áfach, a mbeadh ar a chumas beatha a thabhairt, bheadh fíréantacht ag teacht ón dlí dáiríre;

[22]ach dhaingnigh an scrioptúr an uile ní faoi ghlas an pheaca, ar shlí go dtabharfaí ar gealladh do chreideamh in Íosa Críost do lucht an chreidimh sin.

Sochar an Chreidimh

[23]Sular tháinig an creideamh, bhíomar dár gcoimeád faoi ghlas i ngéibheann ag an dlí nó go nochtfaí an creideamh a bhí le teacht.

[24]Dá bhrí sin, bhí an dlí mar a bheadh giolla againn nó go dtiocfadh Críost agus go bhfíréanófaí sinn tríd an gcreideamh.

[25]Anois, áfach, nuair atá an creideamh tagtha nílimid faoi smacht an ghiolla a thuilleadh,

[26]mar is mac do Dhia gach uile dhuine agaibh de bharr bhur gcreidimh in Íosa Críost.

[27]Gach duine agaibh a baisteadh i gCríost, tá Críost curtha uime aige mar éide.

[28]Níl Giúdach ná Gréagach oraibh feasta, níl saor ná daor, fireann ná baineann; is aon sibh uile i gCríost Íosa.

[29]Agus más le Críost sibh, is síol Abrahám sibh chomh maith agus tá sibh in bhur n-oidhrí aige de réir mar a bhí geallta.

Gálatas 4

A nossa filiação em Cristo

[1] Digo, pois, que, durante o tempo em que o herdeiro é menor, em nada difere de escravo, posto que é ele senhor de tudo.

[2] Mas está sob tutores e curadores até ao tempo predeterminado pelo pai.

[3] Assim, também nós, quando éramos menores, estávamos servilmente sujeitos aos rudimentos do mundo;

[4] vindo, porém, a plenitude do tempo, Deus enviou seu Filho, nascido de mulher, nascido sob a lei,

[5] para resgatar os que estavam sob a lei, a fim de que recebêssemos a adoção de filhos.

[6] E, porque vós sois filhos, enviou Deus ao nosso coração o Espírito de seu Filho, que clama: Aba, Pai!

[7] De sorte que já não és escravo, porém filho; e, sendo filho, também herdeiro por Deus.

O valor transitório dos ritos judaicos

[8] Outrora, porém, não conhecendo a Deus, servíeis a deuses que, por natureza, não o são;

[9] mas agora que conheceis a Deus ou, antes, sendo conhecidos por Deus, como estais voltando, outra vez, aos rudimentos fracos e pobres, aos quais, de novo, quereis ainda escravizar-vos?

Galataigh 4

Saorchlann Dé

[1]Is é a mheasaim a rá, a bhráithre: fad a bhíonn an t-oidhre mionaoiseach, ní bhíonn difríocht ar bith idir é agus an daor, siúd is gur leis an t-eastát ar fad,

[2]ach é faoi réir chaomhnóirí agus riarthóirí nó go dtagann an t-am a bhíonn ceaptha ag an athair.

[3]Is é an dála céanna againne é: fad a bhíomar mionaoiseach, bhíomar mar a bheadh daoir faoi smacht ag dúile an tsaoil seo.

[4]Ach nuair a tháinig iomláine na haimsire, sheol Dia uaidh a mhac, a rugadh ó bhean agus é faoi smacht an dlí,

[5]d'fhonn an mhuintir a bhí faoin dlí a fhuascailt agus go ndéanfaí clann altrama dínne.

[6]Agus mar chruthú gur clann mhac dó sibh chuir Dia Spiorad a Mhic inár gcroí agus “Abba, a Athair” á screadadh aige.

[7]Ní daor tú feasta mar sin ach mac; agus más mac thú is oidhre thú chomh maith de dheonú Dé.

[8]Lá den saol nuair nach raibh aon aithne agaibh ar Dhia, bhí sibh ag seirbhís do dhéithe nár dhéithe iad dáiríre.

[9]Anois, áfach, tá aithne curtha agaibh ar Dhia nó, ba chirte a rá, tá aithne curtha ag Dia oraibh. Cad ab áil libh, dá bhrí sin, bheith ag filleadh ar na dúile dearóile suaracha úd d'fhonn dul ag daoirseacht dóibh athuair?

[10] Guardais dias, e meses, e tempos, e anos.

[11] Receio de vós tenha eu trabalhado em vão para convosco.

A perplexidade de Paulo

[12] Sede qual eu sou; pois também eu sou como vós. Irmãos, assim vos suplico. Em nada me ofendestes.

[13] E vós sabeis que vos preguei o evangelho a primeira vez por causa de uma enfermidade física.

[14] E, posto que a minha enfermidade na carne vos foi uma tentação, contudo, não me revelastes desprezo nem desgosto; antes, me recebestes como anjo de Deus, como o próprio Cristo Jesus.

[15] Que é feito, pois, da vossa exultação? Pois vos dou testemunho de que, se possível fora, teríeis arrancado os próprios olhos para mos dar.

[16] Tornei-me, porventura, vosso inimigo, por vos dizer a verdade?

[17] Os que vos obsequiam não o fazem sinceramente, mas querem afastar-vos de mim, para que o vosso zelo seja em favor deles.

[18] É bom ser sempre zeloso pelo bem e não apenas quando estou presente convosco,

[19] meus filhos, por quem, de novo, sofro as dores de parto, até ser Cristo formado em vós;

[10]Agus sibh ag comóradh laethanta féile agus míonna agus ráithí agus blianta!

[11]Is eagal liom gur in aisce a chaith mé dua libh!

Fáth na Fuarchúise

[12]Impím oraibh, a bhráithre, teacht ar aon dul liomsa faoi mar a tháinig mise ar aon dul libhse. Ní dhearna sibh aon éagóir orm.

[13]Tá a fhios agaibh gurb easláinte choirp faoi deara dom an dea-scéal a fhógairt daoibh don chéad uair;

[14]agus bíodh gur mhór an chros oraibh an bhreoiteacht chéanna níor ghlac sibh col ná déistin liom ach fáiltiú romham mar a d'fháilteodh sibh roimh aingeal ó Dhia nó roimh Íosa Críost féin.

[15]Cad a d'imigh ar bhur gcroíúlacht? Ar m'fhocal daoibh go sracfadh sibh bhur súile amach agus iad a thabhairt dom, dá mb'fhéidir é.

[16]An bhfuilim i mo namhaid anois agaibh de chionn go bhfuilim ag insint na fírinne?

[17]Ní le dea-rún atá na daoine eile úd ag déanamh cúraim mhóir díbhse; níl uathu ach sinne a dhealú amach uaibh ionas go ndéanfadh sibhse cúram mór díobh féin.

[18]Is breá an rud mór a bheith á dhéanamh díbh má dhéantar le dea-chroí é agus ní amháin nuair a bhím in bhur láthair ach an t-am ar fad.

[19]A chlann ó, táim mar bheinn ar luí seoil libh arís nó go gcumtar Críost ionaibh.

[20] pudera eu estar presente, agora, convosco e falar-vos em outro tom de voz; porque me vejo perplexo a vosso respeito.

Sara e Agar, alegoria das duas alianças

[21] Dizei-me vós, os que quereis estar sob a lei: acaso, não ouvis a lei?

[22] Pois está escrito que Abraão teve dois filhos, um da mulher escrava e outro da livre.

[23] Mas o da escrava nasceu segundo a carne; o da livre, mediante a promessa.

[24] Estas coisas são alegóricas; porque estas mulheres são duas alianças; uma, na verdade, se refere ao monte Sinai, que gera para escravidão; esta é Agar.

[25] Ora, Agar é o monte Sinai, na Arábia, e corresponde à Jerusalém atual, que está em escravidão com seus filhos.

[26] Mas a Jerusalém lá de cima é livre, a qual é nossa mãe;

[27] porque está escrito: Alegra-te, ó estéril, que não dás à luz, exulta e clama, tu que não estás de parto; porque são mais numerosos os filhos da abandonada que os da que tem marido.

[28] Vós, porém, irmãos, sois filhos da promessa, como Isaque.

[29] Como, porém, outrora, o que nascera segundo a carne perseguia ao que nasceu segundo o Espírito, assim também agora.

[20]Is trua nach bhfuilim in bhur measc an nóiméad seo agus bheadh a mhalairt de phort agam daoibh, de bhrí go bhfuilim i ngalar na gcás agaibh.

Solaoid Hágár agus Sárá

[21]Sibhse arb áil libh bheith faoi réir an dlí, ceist agam oraibh: an gcloiseann sibh a bhfuil le rá ag an dlí?

[22]Óir tá scríofa go raibh beirt mhac ag Abrahám, mac acu ón daorbhean agus an duine eile ón tsaorbhean.

[23]Rugadh mac na daormhná ar an ngnáthshlí ach is de bharr gealltanais a rugadh mac na saormhná.

[24]Tá fáthchiall leis an méid sin: seasann an bheirt bhan sin don dá chonradh. Bean amháin acu, is é sin le rá, Hágár, a rug a leanbh i ndaoirse, seasann sí sin don chonradh a tugadh ar Shliabh Shíonái -

[25]sliabh san Araíb is ea Síonái agus freagraíonn sí do Iarúsailéim an lae inniu mar go bhfuil Iarúsailéim agus a clann i ndaorbhroid.

[26]Is saorbhean, áfach, an Iarúsailéim neamhaí, agus is ise is máthair dúinne

[27]mar tá scríofa: “Bíodh gliondar ort, a bhean aimrid nár shaolaigh clann! Ardaigh do liú a bhean nach raibh riamh ar luí seoil. Óir is líonmhaire clann na mná tréigthe na clann na mná a bhfuil fear aici.”

[28]Is sibhse, a bhráithre, an chlann a rugadh de bharr gealltanais, dála Íosác.

[29]Ach faoi mar a tharla an uair úd go mbíodh an mac a rugadh go nádúrtha ag

[30] Contudo, que diz a Escritura? Lança fora a escrava e seu filho, porque de modo algum o filho da escrava será herdeiro com o filho da livre.

[31] E, assim, irmãos, somos filhos não da escrava, e sim da livre.

géarleanúint an mhic a rugadh faoi luí an Spioraid, is é an dála céanna inniu é.

[30]Ach cad é seo a deir an scrioptúr: "Caith amach an daorbhean agus a mac, mar ní bheidh aon pháirt go deo ag mac na daormhná in oidhreacht mhac na saormhná."

[31]Dá réir sin, a bhráithre, ní clann daormhná sinne ach clann na saormhná.

Gálatas 5

Ou a lei ou Cristo

[1] Para a liberdade foi que Cristo nos libertou. Permanecei, pois, firmes e não vos submetais, de novo, a jugo de escravidão.

[2] Eu, Paulo, vos digo que, se vos deixardes circuncidar, Cristo de nada vos aproveitará.

[3] De novo, testifico a todo homem que se deixa circuncidar que está obrigado a guardar toda a lei.

[4] De Cristo vos desligastes, vós que procurais justificar-vos na lei; da graça decaístes.

[5] Porque nós, pelo Espírito, aguardamos a esperança da justiça que provém da fé.

[6] Porque, em Cristo Jesus, nem a circuncisão, nem a incircuncisão têm valor algum, mas a fé que atua pelo amor.

[7] Vós corríeis bem; quem vos impediu de continuardes a obedecer à verdade?

[8] Esta persuasão não vem daquele que vos chama.

Galataigh 5

An tSaoirse Chríostaí

[1]D'fhonn is go mbeimis saor is ea a d'fhuascail Críost sinn. Seasaigí go daingean dá bhrí sin agus ná cuirtear sibh faoi chuing na daoirse athuair.

[2]Seo mise Pól á rá libh nach ndéanfaidh Críost aon mhaitheas daoibh má dhéantar timpeallghearradh oraibh.

[3]Dearbhaím arís don uile dhuine a ndéantar timpeallghearradh air, go bhfuil sé de dhualgas air an dlí a choimeád ina iomláine.

[4]Agus sibhse a bhíonn ag lorg na fíréantachta sa dlí tá sibh dealaithe ó Chríost agus tá gnaoi Dé caillte agaibh.

[5]Is ón gcreideamh, áfach, atáimidne ag súil leis an bhfíréantacht a fháil faoi luí an Spioraid.

[6]Mar in Íosa Críost is cuma an timpeallghearradh ann nó as, ach an creideamh a oibríonn trí ghrá.

[7]Bhí sibh ag dul chun cinn go hálainn. Cé a chuir bac oraibh géilleadh don fhírinne?

[8]Ní ón té úd a ghlaoigh oraibh a tháinig an t-áiteamh sin!

9 Um pouco de fermento leveda toda a massa.

10 Confio de vós, no SENHOR, que não alimentareis nenhum outro sentimento; mas aquele que vos perturba, seja ele quem for, sofrerá a condenação.

11 Eu, porém, irmãos, se ainda prego a circuncisão, por que continuo sendo perseguido? Logo, está desfeito o escândalo da cruz.

12 Tomara até se mutilassem os que vos incitam à rebeldia.

A liberdade é limitada pelo amor

13 Porque vós, irmãos, fostes chamados à liberdade; porém não useis da liberdade para dar ocasião à carne; sede, antes, servos uns dos outros, pelo amor.

14 Porque toda a lei se cumpre em um só preceito, a saber: Amarás o teu próximo como a ti mesmo.

15 Se vós, porém, vos mordeis e devorais uns aos outros, vede que não sejais mutuamente destruídos.

As obras da carne e o fruto do Espírito

16 Digo, porém: andai no Espírito e jamais satisfareis à concupiscência da carne.

17 Porque a carne milita contra o Espírito, e o Espírito, contra a carne, porque são opostos entre si; para que não façais o que, porventura, seja do vosso querer.

9“Déanann pinse gabháile an taos ar fad a ghabháileadh.”

10Tá muinín agam asaibh sa Tiarna nach é a mhalairt de thuairim a bheidh agaibhse. An duine seo atá do bhur suaitheadh, cibé ar bith é féin, íocfaidh sé as a choir.

11I dtaca liomsa de, a bhráithre, más fíor go mbím fós ag fógairt timpeallghearrtha, cén fáth a bhfuilim fós do mo ghéarleanúint? Dá mbeinn ag déanamh amhlaidh bheadh scannal na croise ar neamhní.

12Iad siúd atá ag cur mearbhaill oraibh is é mo thrua nach ndéanann siad iad féin a choilleadh chomh maith!

13Is chun saoirse a bheith agaibh a glaodh oraibh, a bhráithre. Ach ná bíodh an tsaoirse sin ina leithscéal agaibh chun na collaíochta; ní hea, ach bígí ag déanamh seirbhíse dá chéile le teann grá.

14Mar is féidir an dlí ar fad a chur in aon abairt amháin: “Gráigh do chomharsa mar thú féin.”

15Ach má leanann sibh ag ithe agus ag gearradh a chéile, bígí aireach, ar eagla go millfeadh sibh a chéile ar fad.

Maireachtáil faoi luí an Spioraid

16Is é a mheasaim a rá: mairigí faoi luí an Spioraid, agus níl aon bhaol go ngéillfidh sibh d'ainmhianta na colainne.

17Tá mianta na colainne bunoscionn le mianta an Spioraid agus tá mianta an Spioraid bunoscionn le mianta na colainne. Téann siad glan in éadan a

chéile agus sin é an fáth nach ndéanann sibhse na nithe is áil libh a dhéanamh.

[18] Mas, se sois guiados pelo Espírito, não estais sob a lei.

[18]Más é an Spiorad atá do bhur stiúradh níl sibh faoi smacht ag an dlí.

[19] Ora, as obras da carne são conhecidas e são: prostituição, impureza, lascívia,

[19]Is follas iad gníomhartha na colainne, mar atá drúis gáirsiúlacht agus graostacht;

[20] idolatria, feitiçarias, inimizades, porfias, ciúmes, iras, discórdias, dissensões, facções,

[20]íoladhradh agus asarlaíocht; eascairdeas, achrann, agus formad; fearg, bruíonta, clampar agus faicsin,

[21] invejas, bebedices, glutonarias e coisas semelhantes a estas, a respeito das quais eu vos declaro, como já, outrora, vos preveni, que não herdarão o reino de Deus os que tais coisas praticam.

[21]éad, (murdail,) meisce, ragairne, agus a leithéid eile. Táim ag tabhairt foláirimh anois daoibh faoi mar a thug mé cheana: an mhuintir a dhéanann nithe den sórt sin ní bhfaighidh siad ríocht Dé mar oidhreacht.

[22] Mas o fruto do Espírito é: amor, alegria, paz, longanimidade, benignidade, bondade, fidelidade,

[22]Is é toradh a thugann an Spiorad uaidh, áfach, grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, dea-chroí, dílseacht,

[23] mansidão, domínio próprio. Contra estas coisas não há lei.

[23]láchas agus measarthacht. Agus níl aon reacht in aghaidh a leithéidí sin!

[24] E os que são de Cristo Jesus crucificaram a carne, com as suas paixões e concupiscências.

[24]Agus iad siúd a bhaineann le Críost Íosa tá siad tar éis a gcolainn agus a cuid paisean agus mianta a chéasadh ar an gcrois.

[25] Se vivemos no Espírito, andemos também no Espírito.

[25]Ós é an Spiorad atá dar mbeoú, leanaimis a threoir.

[26] Não nos deixemos possuir de vanglória, provocando uns aos outros, tendo inveja uns dos outros.

[26]Agus ná bímis mórchúiseach ná ag saighdeadh a chéile ná ag éad le chéile.

Gálatas 6

O auxílio mútuo e a responsabilidade pessoal

[1] Irmãos, se alguém for surpreendido nalguma falta, vós, que sois espirituais, corrigi-o com espírito de brandura; e

Galataigh 6

Ualaí a Chéile a Iompar

[1]A bhráithre, má bheirtear ar dhuine ag déanamh rud éigin as an tslí, sibhse a bhfuil an Spiorad agaibh, déanaigí é a

guarda-te para que não sejas também tentado.

[2] Levai as cargas uns dos outros e, assim, cumprireis a lei de Cristo.

[3] Porque, se alguém julga ser alguma coisa, não sendo nada, a si mesmo se engana.

[4] Mas prove cada um o seu labor e, então, terá motivo de gloriar-se unicamente em si e não em outro.

[5] Porque cada um levará o seu próprio fardo.

O que o homem semear, isso também ceifará

[6] Mas aquele que está sendo instruído na palavra faça participante de todas as coisas boas aquele que o instrui.

[7] Não vos enganeis: de Deus não se zomba; pois aquilo que o homem semear, isso também ceifará.

[8] Porque o que semeia para a sua própria carne da carne colherá corrupção; mas o que semeia para o Espírito do Espírito colherá vida eterna.

[9] E não nos cansemos de fazer o bem, porque a seu tempo ceifaremos, se não desfalecermos.

[10] Por isso, enquanto tivermos oportunidade, façamos o bem a todos, mas principalmente aos da família da fé.

[11] Vede com que letras grandes vos escrevi de meu próprio punho.

Paulo gloria-se na cruz de Cristo

cheartú go mín réidh agus féach chugat féin nach gcuirfear an cathú ort féin leis.

[2]Déanaigí ualaí a chéile a iompar agus sa tslí sin beidh sibh ag comhlíonadh dlí Chríost.

[3]Nuair is dóigh le duine gan aird gur mór le rá é féin, is á mhealladh féin atá sé.

[4]Déanadh gach duine a shaothar féin a thástáil, agus ansin beidh rud éigin dá chuid féin amháin aige le maíomh as in ionad cuid duine eile.

[5]Mar beidh a ultach féin le hiompar ag cách.

[6]An duine a bhíonn ag foghlaim an chreidimh, roinneadh sé a chuid maoine ar a oide múinte.

[7]Ná bíodh aon dul amú oraibh: ní féidir bob a bhualadh ar Dhia. Mar a chuireann duine an síol is ea a bhainfidh sé an fómhar.

[8]An té a chuireann síol i ngort na colainne bainfidh sé fómhar an mhillte, ach an té a chuireann síol i ngort an Spioraid, bainfidh sé fómhar na beatha síoraí.

[9]Ná bímis cortha choíche den mhaith a dhéanamh; má leanaimid de gan staonadh bainfimid an fómhar in am is i dtráth.

[10]Fad atá an deis againn, mar sin, déanaimis an mhaith do chách agus go háirithe do líon tí an chreidimh.

An Focal Scoir

[11]Féachaigí na litreacha móra seo ina bhfuilim ag scríobh chugaibh le mo láimh féin.

[12] Todos os que querem ostentar-se na carne, esses vos constrangem a vos circuncidardes, somente para não serem perseguidos por causa da cruz de Cristo.

[12]Na daoine seo atá ag brú an timpeallghearrtha oraibh, is iadsan ar mhaith leo bheith taibhseach sa cholainn agus gan d'aidhm acu ach go n-éalóidís ó ghéarleanúint mar gheall ar chrois Chríost.

[13] Pois nem mesmo aqueles que se deixam circuncidar guardam a lei; antes, querem que vos circuncideis, para se gloriarem na vossa carne.

[13]Fiú amháin na daoine a ndéantar timpeallghearradh orthu, ní choimeádann siad féin an dlí, ach is maith leo sibhse a bheith timpeallghearrtha d'fhonn is go mbeidís ag maíomh as bhur gcolainn.

[14] Mas longe esteja de mim gloriar-me, senão na cruz de nosso SENHOR Jesus Cristo, pela qual o mundo está crucificado para mim, e eu, para o mundo.

[14]Nár lige Dia go ndéanfainnse maíomh as rud ar bith ach amháin as crois ár dTiarna Íosa Críost, an chros trína bhfuilimse céasta i dtaca leis an saol agus trína bhfuil an saol céasta i dtaca liom.

[15] Pois nem a circuncisão é coisa alguma, nem a incircuncisão, mas o ser nova criatura.

[15]Is cuma timpeallghearradh, nó gan timpeallghearradh, ach cruthú as an nua.

[16] E, a todos quantos andarem de conformidade com esta regra, paz e misericórdia sejam sobre eles e sobre o Israel de Deus.

[16]Síocháin agus trócaire ar an uile dhuine a leanann an prionsabal seo agus ar Iosrael Dé.

[17] Quanto ao mais, ninguém me moleste; porque eu trago no corpo as marcas de Jesus.

[17]Ná bíodh aon duine do mo bhuaireamh as seo amach, mar tá marcanna ár dTiarna Íosa Críost ar mo chorp agam.

A bênção

[18] A graça de nosso SENHOR Jesus Cristo seja, irmãos, com o vosso espírito. Amém!

[18]Go raibh grásta ar dTiarna Íosa Críost agaibh, a bhráithre. Amen.

Epístola de Paulo aos Efésios

Efésios 1

Prefácio e saudação

1 Paulo, apóstolo de Cristo Jesus por vontade de Deus, aos santos que vivem em Éfeso e fiéis em Cristo Jesus,

2 graça a vós outros e paz, da parte de Deus, nosso Pai, e do SENHOR Jesus Cristo.

As bênçãos de Deus em Cristo, autor da nossa redenção

3 Bendito o Deus e Pai de nosso SENHOR Jesus Cristo, que nos tem abençoado com toda sorte de bênção espiritual nas regiões celestiais em Cristo,

4 assim como nos escolheu, nele, antes da fundação do mundo, para sermos santos e irrepreensíveis perante ele; e em amor

5 nos predestinou para ele, para a adoção de filhos, por meio de Jesus Cristo, segundo o beneplácito de sua vontade,

6 para louvor da glória de sua graça, que ele nos concedeu gratuitamente no Amado,

7 no qual temos a redenção, pelo seu sangue, a remissão dos pecados, segundo a riqueza da sua graça,

8 que Deus derramou abundantemente sobre nós em toda a sabedoria e prudência,

9 desvendando-nos o mistério da sua vontade, segundo o seu beneplácito que propusera em Cristo,

10 de fazer convergir nele, na dispensação da plenitude dos tempos, todas as coisas, tanto as do céu como as da terra;

Eifisigh

Eifisigh 1

1Mise Pól, aspal Íosa Críost de dheoin Dé ag beannú do na naoimh (in Eifeasas) atá dílis i gCríost.

2Grásta chugaibh agus síocháin ó Dhia, ár nAthair, agus ón Tiarna Íosa Críost.

3Moladh le Dia, le hAthair ár dTiarna Íosa Críost, a bhronn orainn, i gCríost, gach tabhartas spioradálta sna flaithis.

4Roimh thúsú an domhain roghnaigh sé sinn i gCríost chun bheith naofa gan locht os a chomhair.

5Le barr grá dúinn leag sé amach ó thús de réir mhian a thola féin go mbeimisne inár gclann aige

6trí Íosa Críost, i dtreo go molfaí an grásta as cuimse a roinn sé orainn go fras ina Mhac muirneach.

7Is sa Mhac sin, as ucht a chuid fola, atá ár bhfuascailt faighte againne, maithiúnas ár gcionta,

8de réir iomadúlacht an ghrásta a roinn sé orainn go fial. Le teann eagna agus gaoise

9nocht sé dúinn rún a thola - de réir an chuspóra a bhí leagtha amach aige ó thús lena chur i gcrích i gCríost,

10nuair a bheadh an t-ionú tagtha - mar atá, an beartas gach a bhfuil ar neamh

agus ar talamh a thabhairt le chéile faoi cheannas Chríost.

[11] nele, digo, no qual fomos também feitos herança, predestinados segundo o propósito daquele que faz todas as coisas conforme o conselho da sua vontade,

[11]Mar is i gCríost a roghnaíodh sinne inár n-oidhrí agus a leagadh amach dúinn, de réir intinne an té úd a oibríonn gach ní de réir chomhairle a thola féin,

[12] a fim de sermos para louvor da sua glória, nós, os que de antemão esperamos em Cristo;

[12]a bheith ar na chéad daoine a chuirfeadh a muinín i gCríost chun moladh agus glóire Dé.

[13] em quem também vós, depois que ouvistes a palavra da verdade, o evangelho da vossa salvação, tendo nele também crido, fostes selados com o Santo Espírito da promessa;

[13]Agus is i bpáirt leis a roghnaíodh sibhse freisin, nuair a chuala sibhse briathar na fírinne agus dea-scéal bhur slánaithe, nuair a chreid sibh ann agus gur buaileadh oraibh stampa an Spioraid Naoimh a bhí geallta.

[14] o qual é o penhor da nossa herança, até ao resgate da sua propriedade, em louvor da sua glória.

[14]Is éarlais an Spiorad ar ár n-oidhreacht nó go bhfaighimid seilbh iomlán uirthi; chun moladh a ghlóire.

Paulo ora pelos crentes

Guí Phóil

[15] Por isso, também eu, tendo ouvido a fé que há entre vós no SENHOR Jesus e o amor para com todos os santos,

[15]Sin é an fáth, ón uair a chuala mé iomrá ar an gcreideamh atá agaibhse sa Tiarna Íosa agus ar an ngrá atá agaibh do na naoimh go léir,

[16] não cesso de dar graças por vós, fazendo menção de vós nas minhas orações,

[16]nar stad mé ach ag gabháil buíochais le Dia ar bhur son agus ag cuimhneamh oraibh i m'urnaithe.

[17] para que o Deus de nosso SENHOR Jesus Cristo, o Pai da glória, vos conceda espírito de sabedoria e de revelação no pleno conhecimento dele,

[17]Bím á iarraidh ar Dhia ár dTiarna Íosa Críost, ar Athair na Glóire, spiorad na heagna agus na géarchúise a thabhairt daoibh chun go gcuirfeadh sibh aithne air.

[18] iluminados os olhos do vosso coração, para saberdes qual é a esperança do seu chamamento, qual a riqueza da glória da sua herança nos santos

[18]Go soilsítear súile bhur n-aigne ar shlí go dtuigfidh sibh cad é mar údar dóchais daoibh bhur ngairm aige agus cad é mar oidhreacht fhairsing ghlórmhar atá aige i ndán don phobal naofa

[19] e qual a suprema grandeza do seu poder para com os que cremos, segundo a eficácia da força do seu poder;

[20] o qual exerceu ele em Cristo, ressuscitando-o dentre os mortos e fazendo-o sentar à sua direita nos lugares celestiais,

[21] acima de todo principado, e potestade, e poder, e domínio, e de todo nome que se possa referir não só no presente século, mas também no vindouro.

[22] E pôs todas as coisas debaixo dos pés e, para ser o cabeça sobre todas as coisas, o deu à igreja,

[23] a qual é o seu corpo, a plenitude daquele que a tudo enche em todas as coisas.

[19]agus ollmhaitheas na cumhachta a chuir sé i bhfeidhm ar ár son-na, creidmhigh - an chumhacht éachtach úd

[20]a chuir sé ag obair i gCríost nuair a thóg sé ó mhairbh é agus chuir ina shuí ar a dheis sna flaithis é

[21]go hard os cionn gach ceannas agus údarás agus cumhacht agus tiarnas agus os cionn gach ainm dar féidir a ainmniú ní sa saol seo amháin é ach sa saol atá le teacht chomh maith.

[22]Agus chuir sé gach ní faoina smacht agus cheap é, os cionn gach ní, ina cheann ar an Eaglais is corp dó

[23]agus arb í iomláine an té úd a líonann gach ní go hiomlán í.

Efésios 2

Do pecado para a salvação pela graça

[1] Ele vos deu vida, estando vós mortos nos vossos delitos e pecados,

[2] nos quais andastes outrora, segundo o curso deste mundo, segundo o príncipe da potestade do ar, do espírito que agora atua nos filhos da desobediência;

[3] entre os quais também todos nós andamos outrora, segundo as inclinações da nossa carne, fazendo a vontade da carne e dos pensamentos; e éramos, por natureza, filhos da ira, como também os demais.

[4] Mas Deus, sendo rico em misericórdia, por causa do grande amor com que nos amou,

Eifisigh 2

Ó Bhás go Beatha

[1]Lá den saol bhí sibhse marbh de bharr na gcionta agus na bpeacaí a chleacht sibh

[2]nuair a leanadh sibh bealaí an tsaoil seo agus nuair a ghéilleadh sibh do phrionsa ríocht an aeir, don spiorad úd atá ag gníomhú inniu féin i lucht na míréire.

[3]Bhíomarna uile ar an mbuíon sin tráth, nuair a ghéillimis d'ainmhianta na colainne agus nuair a dhéanaimis riar na colainne agus a cuid smaointe. Bhí fearg Dé anuas orainne ó dhúchas chomh maith le cách eile.

[4]Ach bhí Dia lán de thrócaire agus thug sé grá chomh mór sin dúinn

[5] e estando nós mortos em nossos delitos, nos deu vida juntamente com Cristo, – pela graça sois salvos,

[6] e, juntamente com ele, nos ressuscitou, e nos fez assentar nos lugares celestiais em Cristo Jesus;

[7] para mostrar, nos séculos vindouros, a suprema riqueza da sua graça, em bondade para conosco, em Cristo Jesus.

[8] Porque pela graça sois salvos, mediante a fé; e isto não vem de vós; é dom de Deus;

[9] não de obras, para que ninguém se glorie.

[10] Pois somos feitura dele, criados em Cristo Jesus para boas obras, as quais Deus de antemão preparou para que andássemos nelas.

Os gentios e os judeus são unidos pela cruz de Cristo

[11] Portanto, lembrai-vos de que, outrora, vós, gentios na carne, chamados incircuncisão por aqueles que se intitulam circuncisos, na carne, por mãos humanas,

[12] naquele tempo, estáveis sem Cristo, separados da comunidade de Israel e estranhos às alianças da promessa, não tendo esperança e sem Deus no mundo.

[5]fiú amháin nuair a bhíomar marbh de dheasca ár gcionta, gur athbheoigh sé sinn in éineacht le Críost - is in aisce a slánaíodh sibh -

[6]gur thóg sé sinn ó mhairbh in éineacht leis agus gur chuir inár suí sinn sna flaithis in Íosa Críost,

[7]d'fhonn a léiriú do na haoiseanna a bhí le teacht chomh hollmhór is a bhí stór a ghrásta agus a fhlaithiúlacht a bhí sé linne i gCríost Íosa.

[8]Mar is le grásta a slánaíodh sibh, trí chreideamh. Ní uaibh féin é; is tabhartas é ó Dhia.

[9]Agus ní de bharr oibreacha i dtreo nach bhfuil cúis mhaíte ag duine ar bith.

[10]Is dá dhéantús sinn mar gur cruthaíodh i gCríost Íosa sinn chun ár saol a thabhairt i mbun na ndea-oibreacha a bhí ullamh roimh ré dúinn ag Dia.

Is aon Sinn uile i bPáirt le Críost

[11]Cuimhnígí, dá bhrí sin, ar an mbail a bhí oraibhse tráth - sibhse na gintlithe ó dhúchas a raibh “lucht an fhorchraicinn” mar ainm oraibh ag an dream a thugadh “lucht an timpeallghearrtha” orthu féin, ag tagairt don mharc lámhdhéanta úd ar an gcolainn.

[12]Cuimhnígí go raibh sibh an uair úd ar deighilt ó Chríost, nach raibh aon chuid agaibh i stát Iosrael ná aon pháirt agaibh sna conarthaí ná sna gealltanais, go raibh sibh gan dóchas sa saol agus gan Dia féin.

[13] Mas, agora, em Cristo Jesus, vós, que antes estáveis longe, fostes aproximados pelo sangue de Cristo.

[14] Porque ele é a nossa paz, o qual de ambos fez um; e, tendo derribado a parede da separação que estava no meio, a inimizade,

[15] aboliu, na sua carne, a lei dos mandamentos na forma de ordenanças, para que dos dois criasse, em si mesmo, um novo homem, fazendo a paz,

[16] e reconciliasse ambos em um só corpo com Deus, por intermédio da cruz, destruindo por ela a inimizade.

[17] E, vindo, evangelizou paz a vós outros que estáveis longe e paz também aos que estavam perto;

[18] porque, por ele, ambos temos acesso ao Pai em um Espírito.

[19] Assim, já não sois estrangeiros e peregrinos, mas concidadãos dos santos, e sois da família de Deus,

[20] edificados sobre o fundamento dos apóstolos e profetas, sendo ele mesmo, Cristo Jesus, a pedra angular;

[21] no qual todo o edifício, bem ajustado, cresce para santuário dedicado ao SENHOR,

[22] no qual também vós juntamente estais sendo edificados para habitação de Deus no Espírito.

[13]Anois, áfach, tá sibh i gCríost Íosa; sibhse a bhí tráth i bhfad i gcéin, tá sibh tagtha i ngaire de bharr fhuil Chríost.

[14]Mar is eisean ár síocháin; is é a rinne aon bhuíon amháin den dá phobal nuair a leag sé ar lár an balla deighilte, an naimhdeas ina cholainn,

[15]agus chuir ar ceal an dlí agus a chuid aitheanta agus forálacha d'fhonn aon duine nua amháin a dhéanamh den bheirt ann féin trí shíocháin a dhéanamh eatarthu,

[16]agus an dá bhuíon a thabhairt chun athmhuintearais le Dia in aon chorp amháin leis an gcrois ar ar chuir sé an naimhdeas chun báis.

[17]Tháinig sé ag fógairt dea-scéal na síochána daoibhse a bhí i bhfad uaidh agus dóibh sin a bhí ina chóngar;

[18]mar is tríd atá teacht againn araon ar an Athair faoi luí an aon Spioraid.

[19]Dá réir sin ní eachtrannaigh ná coimhthígh sibh a thuilleadh ach comhshaoránaigh leis na naoimh agus baill de líon tí Dé.

[20]Is foirgneamh sibh a bhfuil na haspail agus na fáithe ina mbunsraith faoi agus Críost Íosa féin ina chloch chinn chúinne aige.

[21]Is ann a nasctar an foirgneamh ar fad le céile agus éiríonn sé in airde ina theampall naofa sa Tiarna.

[22]Is ann chomh maith atá sibhse do bhur gcomhthógáil agus áit chónaithe Dé á dhéanamh díbh faoi luí an Spioraid.

Efésios 3

A vocação dos gentios e o apostolado de Paulo

[1] Por esta causa eu, Paulo, sou o prisioneiro de Cristo Jesus, por amor de vós, gentios,

[2] se é que tendes ouvido a respeito da dispensação da graça de Deus a mim confiada para vós outros;

[3] pois, segundo uma revelação, me foi dado conhecer o mistério, conforme escrevi há pouco, resumidamente;

[4] pelo que, quando ledes, podeis compreender o meu discernimento do mistério de Cristo,

[5] o qual, em outras gerações, não foi dado a conhecer aos filhos dos homens, como, agora, foi revelado aos seus santos apóstolos e profetas, no Espírito,

[6] a saber, que os gentios são co-herdeiros, membros do mesmo corpo e co-participantes da promessa em Cristo Jesus por meio do evangelho;

[7] do qual fui constituído ministro conforme o dom da graça de Deus a mim concedida segundo a força operante do seu poder.

[8] A mim, o menor de todos os santos, me foi dada esta graça de pregar aos gentios o evangelho das insondáveis riquezas de Cristo

[9] e manifestar qual seja a dispensação do mistério, desde os séculos, oculto em Deus, que criou todas as coisas,

Eifisigh 3

Misean Phóil

[1]Sin é an fáth a bhfuilimse, Pól, agus mé i mo ghéibheannach ag Críost Íosa mar gheall oraibhse, gintlithe -

[2]tá iomrá cloiste agaibh, ní foláir, ar an gcúram a thug Dia mar ghrásta dom in bhur gcomhair

[3]agus mar a thug sé fios a rúin dom in aisling. Tá scríofa agam faoi seo go hachomair cheana

[4]agus má léann sibh é féadfaidh sibh mo léargas-sa ar rúndiamhair Chríost a thuiscint.

[5]Níor tugadh fios an rúin seo do na glúinte daoine a chuaigh romhainn ach tá sé arna nochtadh ag Dia anois faoi luí an Spioraid dá aspail naofa agus dá fháithe.

[6]Agus is é rún é: gur comhoidhrí na gintlithe, gur comhbhaill den aon chorp iad agus go bhfuil siad comhpháirteach sa ghealltanas i gCríost Íosa tríd an dea-scéal.

[7]Rinneadh maor ar an dea-scéal sin díomsa nuair a bhronn Dia a ghrásta orm le héifeacht a chumhachta féin.

[8]Is mé an duine is dearóile de na naoimh go léir, ach is domsa a tugadh an grásta seo: saibhreas dochuimsithe Chríost a fhógairt do na gintlithe

[9]agus leagan amach an rúin a léiriú do chách. Bhí an rún seo folaithe leis na cianta i nDia a chruthaigh gach a bhfuil ann,

[10] para que, pela igreja, a multiforme sabedoria de Deus se torne conhecida, agora, dos principados e potestades nos lugares celestiais,

[10]i dtreo go bhfaigheadh tiarnais agus údaráis na spéire eolas anois tríd an Eaglais ar eagna ilghnéitheach Dé

[11] segundo o eterno propósito que estabeleceu em Cristo Jesus, nosso SENHOR,

[11]de réir an bheartais shíoraí a chuir sé i bhfeidhm i gCríost Íosa ár dTiarna.

[12] pelo qual temos ousadia e acesso com confiança, mediante a fé nele.

[12]Is é Críost a bheir dúinn a bheith teann de bharr ár gcreidimh agus dul go muiníneach i láthair Dé.

[13] Portanto, vos peço que não desfaleçais nas minhas tribulações por vós, pois nisso está a vossa glória.

[13]Impím oraibh, dá bhrí sin, gan bheith domheanmnach mar gheall ar na trioblóidí atá ag cur ormsa ar bhur son, mar is údar glóire daoibh iad.

Paulo ora novamente

Guí Phóil

[14] Por esta causa, me ponho de joelhos diante do Pai,

[14]Sin é an fáth a dtéim ar mo ghlúine i bhfianaise an Athar

[15] de quem toma o nome toda família, tanto no céu como sobre a terra,

[15]óna n-ainmnítear gach clann ar neamh agus ar talamh.

[16] para que, segundo a riqueza da sua glória, vos conceda que sejais fortalecidos com poder, mediante o seu Espírito no homem interior;

[16]Go dtuga sé daoibh as ollmhaitheas a ghlóire go bhfaighidh sibh neart agus cumas inmheánach trína Spiorad,

[17] e, assim, habite Cristo no vosso coração, pela fé, estando vós arraigados e alicerçados em amor,

[17]go gcónóidh Críost in bhur gcroí trí chreideamh, go mbeidh sibh préamhaithe agus bunaithe sa ghrá

[18] a fim de poderdes compreender, com todos os santos, qual é a largura, e o comprimento, e a altura, e a profundidade

[18]ar shlí go bhféadfaidh sibh féin agus na naoimh go léir fad agus leithead agus airde agus doimhneas [an ghrá] a thuiscint;

[19] e conhecer o amor de Cristo, que excede todo entendimento, para que sejais tomados de toda a plenitude de Deus.

[19]go gcuirfidh sibh eolas ar ghrá Chríost atá os cionn tuisceana agus go líonfar sibh de líonmhaireacht iomlán Dé.

[20] Ora, àquele que é poderoso para fazer infinitamente mais do que tudo quanto

[20]Glóir don té úd ar féidir dó i bhfad níos mó a dhéanamh ná mar a d'iarrfaimisne

pedimos ou pensamos, conforme o seu poder que opera em nós,

[21] a ele seja a glória, na igreja e em Cristo Jesus, por todas as gerações, para todo o sempre. Amém!

Efésios 4

A unidade da fé

[1] Rogo-vos, pois, eu, o prisioneiro no SENHOR, que andeis de modo digno da vocação a que fostes chamados,

[2] com toda a humildade e mansidão, com longanimidade, suportando-vos uns aos outros em amor,

[3] esforçando-vos diligentemente por preservar a unidade do Espírito no vínculo da paz;

[4] há somente um corpo e um Espírito, como também fostes chamados numa só esperança da vossa vocação;

[5] há um só SENHOR, uma só fé, um só batismo;

[6] um só Deus e Pai de todos, o qual é sobre todos, age por meio de todos e está em todos.

O santo ministério e o serviço dos santos

[7] E a graça foi concedida a cada um de nós segundo a proporção do dom de Cristo.

[8] Por isso, diz: Quando ele subiu às alturas, levou cativo o cativeiro e concedeu dons aos homens.

nó smaoineamh féin air, tríd an gcumhacht atá ag obair ionainn.

[21]Glóir go raibh aige san Eaglais agus i gCríost Íosa ó ghlúin go glúin go brách na breithe. Amen.

Eifisigh 4

Aontacht

[1]Táim ag impí oraibh, dá bhrí sin, agus mé i mo ghéibheannach ag an Tiarna, bhur saol a thabhairt go cuí de réir na gairme atá faighte agaibh

[2]agus sibh a bheith lán d'uirísle, de láchas agus d'fhoighne. Cuirigí suas go carthanach le chéile

[3]agus déanaigí bhur ndícheall chun an aontacht a thagann ón Spiorad a choimeád faoi cheangal na síochána.

[4]Aon chorp amháin agus aon Spiorad amháin atá ionaibh faoi mar nach bhfuil ach aon dóchas amháin agaibh ó fuair sibh bhur ngairm ó Dhia.

[5]Níl ann ach aon Tiarna amháin, aon chreideamh amháin agus aon bhaisteadh amháin.

[6]Níl ann ach aon Dia amháin atá ina Athair ag cách: é os cionn cách agus ag gníomhú i gcách agus istigh i gcách uile.

[7]Ach tá a thabhartas féin faighte ag gach duine ar leith againn de réir mar a riar Críost orainn é,

[8]faoi mar a deir an scrioptúr: “Ar dhul in airde dó, ghabh sé slua cimí agus thug tabhartais do dhaoine.”

[9] Ora, que quer dizer subiu, senão que também havia descido até às regiões inferiores da terra?

[10] Aquele que desceu é também o mesmo que subiu acima de todos os céus, para encher todas as coisas.

[11] E ele mesmo concedeu uns para apóstolos, outros para profetas, outros para evangelistas e outros para pastores e mestres,

[12] com vistas ao aperfeiçoamento dos santos para o desempenho do seu serviço, para a edificação do corpo de Cristo,

[13] até que todos cheguemos à unidade da fé e do pleno conhecimento do Filho de Deus, à perfeita varonilidade, à medida da estatura da plenitude de Cristo,

[14] para que não mais sejamos como meninos, agitados de um lado para outro e levados ao redor por todo vento de doutrina, pela artimanha dos homens, pela astúcia com que induzem ao erro.

[15] Mas, seguindo a verdade em amor, cresçamos em tudo naquele que é a cabeça, Cristo,

[16] de quem todo o corpo, bem ajustado e consolidado pelo auxílio de toda junta, segundo a justa cooperação de cada parte, efetua o seu próprio aumento para a edificação de si mesmo em amor.

A santidade cristã oposta à dissolução

[9]Cad tá le tuiscint as an “dul in airde” sin ach gur tháinig sé anuas chomh maith ar an domhan íochtarach seo?

[10]An té sin a tháinig anuas, is é an duine céanna é a chuaigh thar na flaithis uile amach chun go líonfadh sé an chruinne cheathartha.

[11]Agus is eisean a thug do dhaoine áirithe bheith ina n-aspail, do dhaoine eile bheith ina bhfáithe, do dhaoine eile bheith ina soiscéalaithe, agus do dhaoine eile fós bheith ina n-aoirí agus ina múinteoirí,

[12]d'fhonn na naoimh a chur in oiriúint dá ndualgas, mar atá, corp Chríost a thógáil mar theach;

[13]go dtí go mbeimid go léir tagtha chun aontacht chreidimh agus chun aontacht eolais ar Mhac Dé nó go mbeimid tagtha in inmhe, ar chomhchéim le Críost féin agus é i mbun a mhéide.

[14]Ní bheimid inár naíonáin feasta, dár luascadh i measc na dtonn agus dár gcaitheamh anonn agus anall ag gach leoithne theagaisc dá séideann le cealg dhaoine agus a chlisteacht atá siad chun duine a sheoladh ar a aimhleas.

[15]Má leanaimid den fhírinne le teann grá, áfach, fásfaimid suas i ngach slí nó go ndéanfar dínn Críost, is ceann orainn.

[16]Mar is é a bheir don chorp a bheith fite fuaite ina chéile le cabhair gach nasc dá bhfuil ag fónamh dó, agus, de réir mar a bhíonn gach ball ag gníomhú mar is cuí, fásann an corp iomlán agus téann i méid sa ghrá.

An Seansaol agus an Saol Nua

[17] Isto, portanto, digo e no SENHOR testifico que não mais andeis como também andam os gentios, na vaidade dos seus próprios pensamentos,

[18] obscurecidos de entendimento, alheios à vida de Deus por causa da ignorância em que vivem, pela dureza do seu coração,

[19] os quais, tendo-se tornado insensíveis, se entregaram à dissolução para, com avidez, cometerem toda sorte de impureza.

[20] Mas não foi assim que aprendestes a Cristo,

[21] se é que, de fato, o tendes ouvido e nele fostes instruídos, segundo é a verdade em Jesus,

[22] no sentido de que, quanto ao trato passado, vos despojeis do velho homem, que se corrompe segundo as concupiscências do engano,

[23] e vos renoveis no espírito do vosso entendimento,

[24] e vos revistais do novo homem, criado segundo Deus, em justiça e retidão procedentes da verdade.

Exortações à santidade

[25] Por isso, deixando a mentira, fale cada um a verdade com o seu próximo, porque somos membros uns dos outros.

[26] Irai-vos e não pequeis; não se ponha o sol sobre a vossa ira,

[27] nem deis lugar ao diabo.

[17]Is é a deirim libh, mar sin, in ainm an Tiarna, gan bhur saol a chaitheamh ar nós na bpágánach a mbíonn a n-aird ar nithe baotha,

[18]a bhfuil scamall ar a n-aigne, agus iad dealaithe amach ó bheatha Dé de dheasca a gcuid aineolais agus chruas a gcroí.

[19]Le barr patuaire tá siad tugtha suas don drabhlás agus do gach sórt graostachta a chleachtadh gan srianadh.

[20]Ní mar sin a chuir sibhse eolas ar Chríost, áfach,

[21]má éist sibh leis i gceart agus más í an fhírinne atá in Íosa a múineadh daoibh.

[22]Agus is é teagasc a fuair sibh bhur seansaol a chaitheamh uaibh, an sean-nadúr a bhíonn á thruailliú ag ainmhianta claona;

[23]athnuachan a dhéanamh ar bhur meon agus ar bhur n-aigne

[24]agus an nadúr úrnua a ghabháil chugaibh, an nádúr a cruthaíodh in íomhá Dé ar fhíréantacht agus ar naofacht fhíor.

[25]Cuirigí uaibh an t-éitheach, dá bhrí sin, agus labhraígí an fhírinne lena chéile, gach duine agaibh, mar is baill dá chéile sinn.

[26]Más ea féin go dtagann fearg oraibh, ná déanaigí an peaca dá bharr,

[27]agus ná maireadh an racht thar luí na gréine le heagla go dtabharfadh sibh áiméar don diabhal.

[28] Aquele que furtava não furte mais; antes, trabalhe, fazendo com as próprias mãos o que é bom, para que tenha com que acudir ao necessitado.

[29] Não saia da vossa boca nenhuma palavra torpe, e sim unicamente a que for boa para edificação, conforme a necessidade, e, assim, transmita graça aos que ouvem.

[30] E não entristeçais o Espírito de Deus, no qual fostes selados para o dia da redenção.

[31] Longe de vós, toda amargura, e cólera, e ira, e gritaria, e blasfêmias, e bem assim toda malícia.

[32] Antes, sede uns para com os outros benignos, compassivos, perdoando-vos uns aos outros, como também Deus, em Cristo, vos perdoou.

Efésios 5

[1] Sede, pois, imitadores de Deus, como filhos amados;

[2] e andai em amor, como também Cristo nos amou e se entregou a si mesmo por nós, como oferta e sacrifício a Deus, em aroma suave.

O fruto da luz e as obras das trevas

[3] Mas a impudicícia e toda sorte de impurezas ou cobiça nem sequer se nomeiem entre vós, como convém a santos;

[4] nem conversação torpe, nem palavras vãs ou chocarrices, coisas essas

[28]An té a bhíonn ag goid, ná déanadh sé goid níos mó ach bíodh sé ag obair go macánta lena dhá láimh féin ionas go mbeadh rud aige le roinnt ar an té atá ar an ngannchuid.

[29]Ná tagadh oiread agus drochfhocal amháin as bhur mbéal ach an dea-fhocal fointeach a oirfidh don ócáid agus a rachaidh chun sochair don lucht éisteachta.

[30]Ná cuirigí brón ar Spiorad Naofa Dé a bhfuil a stampa buailte oraibh i gcomhair lá na fuascailte.

[31]Cuirigí uaibh ar fad an ghangaid, an ghoimh, an fhearg, an callán, an t-achasán mar aon le gach mioscais.

[32]Bígí muinteartha le chéile agus atruach, ag maitheamh dá chéile faoi mar mhaith Dia daoibh féin i gCríost.

Eifisigh 5

Maireachtáil faoin Solas

[1]Déanaigí aithris ar Dhia mar gur sibh a chlann mhuirneach,

[2]agus mairigí de réir an ghrá faoi mar a ghráigh Críost sinne agus a thug é féin suas ina ofráil chun Dé agus ina íobairt chumhra ar ár son.

[3]Maidir le drúise nó graostacht d'aon sórt nó saint, ná luaitear in bhur measc iad fiú amháin, mar ní healaí do na naoimh iad.

[4]Ná bíodh agaibh ach oiread an drochchaint ná an tseafóid ná an magadh,

inconvenientes; antes, pelo contrário, ações de graças.

nithe nach n-oireann; ag gabháil buíochais do Dhia ba chóra daoibh a bheith.

[5] Sabei, pois, isto: nenhum incontinente, ou impuro, ou avarento, que é idólatra, tem herança no reino de Cristo e de Deus.

[5]Bíodh a fhios seo agaibh: duine ar bith atá tugtha don drúis nó don mhígheanmnaíocht nó don tsaint - rud is ionann agus íoladhradh - níl aon pháirt aige i ríocht Chríost agus Dé.

[6] Ninguém vos engane com palavras vãs; porque, por essas coisas, vem a ira de Deus sobre os filhos da desobediência.

[6]Ná mealladh aon duine sibh le hargóintí baotha, mar sin iad na peacaí a tharraingíonn fearg Dé anuas ar lucht na míréire.

[7] Portanto, não sejais participantes com eles.

[7]Ná bíodh aon bhaint agaibhse lena leithéidí;

[8] Pois, outrora, éreis trevas, porém, agora, sois luz no SENHOR; andai como filhos da luz

[8]mar ní raibh ionaibh tráth ach dorchadas, ach is solas anois sibh sa Tiarna. Iompraígí sibh féin, más ea, ar nós clann an tsolais -

[9] (porque o fruto da luz consiste em toda bondade, e justiça, e verdade),

[9]bíonn toradh an tsolais le feiceáil san uile shórt maitheasa agus fíréantachta agus fírinne.

[10] provando sempre o que é agradável ao SENHOR.

[10]Aimsígí cad é an ní is áil leis an Tiarna

[11] E não sejais cúmplices nas obras infrutíferas das trevas; antes, porém, reprovai-as.

[11]agus ná bíodh aon pháirt agaibh i ngnóthaí seasca an dorchadais ach iad a cháineadh.

[12] Porque o que eles fazem em oculto, o só referir é vergonha.

[12]Mar is náireach le lua féin na nithe a dhéanann siad faoi choim.

[13] Mas todas as coisas, quando reprovadas pela luz, se tornam manifestas; porque tudo que se manifesta é luz.

[13]Gach uile ní a nochtar faoin solas, áfach, éiríonn sé follasach

[14] Pelo que diz: Desperta, ó tu que dormes, levanta-te de entre os mortos, e Cristo te iluminará.

[14]agus gach ní a bhíonn follasach, bíonn sé ina sholas. Sin é an fáth a ndeirtear: “Dúisigh a chodlatáin! Éirigh ó na mairbh agus lonróidh Críost ort.”

[15] Portanto, vede prudentemente como andais, não como néscios, e sim como sábios,

[16] remindo o tempo, porque os dias são maus.

[17] Por esta razão, não vos torneis insensatos, mas procurai compreender qual a vontade do SENHOR.

[18] E não vos embriagueis com vinho, no qual há dissolução, mas enchei-vos do Espírito,

[19] falando entre vós com salmos, entoando e louvando de coração ao SENHOR com hinos e cânticos espirituais,

[20] dando sempre graças por tudo a nosso Deus e Pai, em nome de nosso SENHOR Jesus Cristo,

[21] sujeitando-vos uns aos outros no temor de Cristo.

O lar cristão: marido e mulher

[22] As mulheres sejam submissas ao seu próprio marido, como ao SENHOR;

[23] porque o marido é o cabeça da mulher, como também Cristo é o cabeça da igreja, sendo este mesmo o salvador do corpo.

[24] Como, porém, a igreja está sujeita a Cristo, assim também as mulheres sejam em tudo submissas ao seu marido.

[25] Maridos, amai vossa mulher, como também Cristo amou a igreja e a si mesmo se entregou por ela,

[15]Bígí cúramach faoi bhur gcuid iompair, dá bhrí sin, agus gan a bheith ar nós daoine gan chiall ach ar nós daoine ciallmhara

[16]ag cur na huaire chun sochair, mar is olc iad na saolta seo.

[17]Ná bíodh aon mhearbhall oraibh, dá bhrí sin, ach tuigigí go cruinn cad is toil don Tiarna.

[18]Agus ná bíodh meisce fíona oraibh mar níl ansin ach drabhlás, ach bígí lán den Spiorad,

[19]ag rá salm agus iomann agus laoithe spioradálta le chéile, ag cantain agus ag salmaireacht chun an Tiarna in bhur gcroí istigh,

[20]ag gabháil buíochais gan stad le Dia an tAthair ar son an uile ní in ainm ár dTiarna Íosa Críost.

Fir agus Mná

[21]Bígí géilliúil dá chéile le hómós do Chríost.

[22]Bíodh na mná umhal dá gcuid fear mar a bheidís don Tiarna,

[23]mar tá an fear ina cheann ar a bhean ar nós mar atá Críost ina cheann ar an Eaglais agus ina shlánaitheoir ar an gcorp.

[24]Faoi mar atá an Eaglais faoi smacht Chríost, ar an dála céanná bíodh na mná faoi smacht a gcuid fear i ngach ní.

[25]A fheara, bíodh grá agaibhse do bhur mná faoi mar a bhí grá ag Críost don Eaglais agus thug suas é féin ar a son d'fhonn í a choisreacan do Dhia.

[26] para que a santificasse, tendo-a purificado por meio da lavagem de água pela palavra,

[27] para a apresentar a si mesmo igreja gloriosa, sem mácula, nem ruga, nem coisa semelhante, porém santa e sem defeito.

[28] Assim também os maridos devem amar a sua mulher como ao próprio corpo. Quem ama a esposa a si mesmo se ama.

[29] Porque ninguém jamais odiou a própria carne; antes, a alimenta e dela cuida, como também Cristo o faz com a igreja;

[30] porque somos membros do seu corpo.

[31] Eis por que deixará o homem a seu pai e a sua mãe e se unirá à sua mulher, e se tornarão os dois uma só carne.

[32] Grande é este mistério, mas eu me refiro a Cristo e à igreja.

[33] Não obstante, vós, cada um de per si também ame a própria esposa como a si mesmo, e a esposa respeite ao marido.

Efésios 6

O lar cristão: filhos e pais

[1] Filhos, obedecei a vossos pais no SENHOR, pois isto é justo.

[2] Honra a teu pai e a tua mãe (que é o primeiro mandamento com promessa),

[26]Rinne sé í a íonglanadh le briathar i bhfothragadh an uisce

[27]d'fhonn í réiteach dó féin ina hEaglais niamhrach, gan smál ná roc uirthi ná aon ní dá shórt ach í naofa gan cháim.

[28]Go deimhin, tá d'fhiacha ar na fir a mná a ghráú mar a ghráíonn siad a gcolainn féin, mar an té a thugann grá dá bhean is dó féin a thugann sé grá.

[29]Ní raibh aon duine riamh a thug fuath dá cholainn féin; is amhlaidh a dhéanann sé í a chothú agus a chumhdach faoi mar a dhéanann Críost don Eaglais,

[30]de bhrí gur baill dá chorp sinne.

[31]“Mar sin de, fágfaidh duine a athair agus a mháthair chun bheith dlúth i bpáirt lena bhean agus aon cholainn amháin a bheidh sa bheirt acu.”

[32]Is mór an rúndiamhair í seo, ach is á tagairt atáimse do Chríost agus don Eaglais.

[33]Ar aon chuma grádh gach duine agaibhse a bhean mar é féin agus tugadh an bhean ómós dá fear.

Eifisigh 6

Tuismitheoirí agus Leanaí

[1]A leanaí, bígí umhal do bhur dtuismitheoirí, sa Tiarna, mar is é an ceart é.

[2]“Tabhair do d'athair agus do do mháthair onóir”; sin í an chéad aithne a bhfuil gealltanas ag dul léi:

[3] para que te vá bem, e sejas de longa vida sobre a terra.

[4] E vós, pais, não provoqueis vossos filhos à ira, mas criai-os na disciplina e na admoestação do SENHOR.

O lar cristão: servos e senhores

[5] Quanto a vós outros, servos, obedecei a vosso senhor segundo a carne com temor e tremor, na sinceridade do vosso coração, como a Cristo,

[6] não servindo à vista, como para agradar a homens, mas como servos de Cristo, fazendo, de coração, a vontade de Deus;

[7] servindo de boa vontade, como ao SENHOR e não como a homens,

[8] certos de que cada um, se fizer alguma coisa boa, receberá isso outra vez do SENHOR, quer seja servo, quer livre.

[9] E vós, senhores, de igual modo procedei para com eles, deixando as ameaças, sabendo que o SENHOR, tanto deles como vosso, está nos céus e que para com ele não há acepção de pessoas.

A armadura de Deus

[10] Quanto ao mais, sede fortalecidos no SENHOR e na força do seu poder.

[11] Revesti-vos de toda a armadura de Deus, para poderdes ficar firmes contra as ciladas do diabo;

[12] porque a nossa luta não é contra o sangue e a carne, e sim contra os principados e potestades, contra os dominadores deste mundo tenebroso,

[3]“ionas go mbeadh an rath ort agus go mbeadh saol fada ar talamh agat.”

[4]Agus sibhse, a aithreacha, ná déanaigí bhur leanaí a chiapadh, ach iad a thógáil faoi oiliúint agus smacht an Tiarna.

Máistrí agus Seirbhísigh

[5]A sheirbhíseacha, bígí umhal ómósach do bhur máistrí saolta le dílseacht chroí mar a bheadh sibh do Chríost féin,

[6]agus gan bheith ag súilseirbhís ar nós lucht lútála ach sibh ag déanamh toil Dé ó chroí mar a dhéanfadh seirbhísigh Chríost.

[7]Déanaigí bhur ndualgas le fonn amhail agus dá mba don Tiarna a bheadh sibh ag seirbhís agus nach do dhaoine,

[8]agus a fhios agaibh, cibé ní fónta a dhéanann sibh, go bhfaighidh gach duine, saor nó daor, a chúiteamh ón Tiarna.

[9]Agus sibhse, a mháistrí, déanaigíse mar an gcéanna dóibh; caithigí uaibh an bhagairt agus bíodh a fhios agaibh go bhfuil an Máistir céanna agaibhse agus acusan ar neamh agus gur cuma leis siúd duine seachas a chéile

An Cath in aghaidh an Oilc

[10]Mar bhuille scoir, téigí i neart sa Tiarna le fuinneamh a chumhachta.

[11]Cuirigí iomaibh cathéide Dé chun bheith in ann seasamh in aghaidh chealga an diabhail.

[12]Mar ní le naimhde daonna atáimid i ngleic ach le tiarnais agus cumhachtaí agus rialtóirí domhain seo an dorchadais, le hainspridí na bhflaitheas.

contra as forças espirituais do mal, nas regiões celestes.

[13] Portanto, tomai toda a armadura de Deus, para que possais resistir no dia mau e, depois de terdes vencido tudo, permanecer inabaláveis.

[14] Estai, pois, firmes, cingindo-vos com a verdade e vestindo-vos da couraça da justiça.

[15] Calçai os pés com a preparação do evangelho da paz;

[16] embraçando sempre o escudo da fé, com o qual podereis apagar todos os dardos inflamados do Maligno.

[17] Tomai também o capacete da salvação e a espada do Espírito, que é a palavra de Deus;

[18] com toda oração e súplica, orando em todo tempo no Espírito e para isto vigiando com toda perseverança e súplica por todos os santos

[19] e também por mim; para que me seja dada, no abrir da minha boca, a palavra, para, com intrepidez, fazer conhecido o mistério do evangelho,

[20] pelo qual sou embaixador em cadeias, para que, em Cristo, eu seja ousado para falar, como me cumpre fazê-lo.

Tíquico

[21] E, para que saibais também a meu respeito e o que faço, de tudo vos

[13]Gabhaigí cathéide Dé chugaibh, dá bhrí sin, i dtreo nuair a thiocfaidh lá an oilc, go bhféadfaidh sibh an fód a sheasamh, agus go mbeidh sibh fós in bhur seasamh tar éis daoibh an cath a bhaint ar an iomlán.

[14]Seasaigí go daingean, dá bhrí sin, agus an fhírinne fáiscthe faoi bhur gcoim agaibh mar chrios, an fhíréantacht mar lúireach ar bhur n-ucht

[15]agus fonn leata dea-scéal na síochána mar bhróga ar bhur gcosa agaibh.

[16]Gabhaigí chugaibh i gcónaí an creideamh mar sciath lena bhféadfaidh sibh gach diúracán dearg de chuid an namhad mhallaithe a mhúchadh.

[17]Glacaigí an slánú mar chlogad agus briathar Dé mar chlaíomh ón Spiorad.

[18]Agus bígí ag guí le hurnaí agus le himpí gach uair faoi luí an Spioraid. Fanaigí in bhur ndúiseacht chuige sin ag guí go buanseasmhach ar na naoimh uile.

[19]Agus guígí ormsa chomh maith, le hionchas, nuair a osclóidh mé mo bhéal, go dtabharfar dom labhairt go dána agus rún an dea-scéil a fhógairt -

[20]an dea-scéal a bhfuilimse i mo thoscaire air agus mé faoi ghlas féin; guígí go ndéanfaidh mé é a fhógairt chomh dána agus is cóir.

Beannachtaí Deireanacha

[21]Tabharfaidh Tichiceas, mo chara ionúin agus mo chúntóir dílis in obair an Tiarna, faisnéis iomlán daoibh fúmsa ionas go

informará Tíquico, o irmão amado e fiel ministro do SENHOR.

[22] Foi para isso que eu vo-lo enviei, para que saibais a nosso respeito, e ele console o vosso coração.

A bênção

[23] Paz seja com os irmãos e amor com fé, da parte de Deus Pai e do SENHOR Jesus Cristo.

[24] A graça seja com todos os que amam sinceramente a nosso SENHOR Jesus Cristo.

mbeidh a fhios agaibh conas táim agus conas atá ag éirí liom.

[22]Táim á sheoladh chugaibh d'aon ghnó chun fios mo chúrsaí a bheith agaibh agus chun sólás a chur ar bhur gcroí.

[23]Go dtuga Dia an tAthair agus an Tiarna Íosa Críost síocháin agus grá mar aon le creideamh do na bráithre uile.

[24]Go raibh grásta ar chách a bheir grá buanmharthanach dár dTiarna Íosa Críost.

Epístola de Paulo aos Filipenses	Filipigh

Filipenses 1

Prefácio e saudação

1 Paulo e Timóteo, servos de Cristo Jesus, a todos os santos em Cristo Jesus, inclusive bispos e diáconos que vivem em Filipos,

2 graça e paz a vós outros, da parte de Deus, nosso Pai, e do SENHOR Jesus Cristo.

Ação de graças e súplicas em favor dos filipenses

3 Dou graças ao meu Deus por tudo que recordo de vós,

4 fazendo sempre, com alegria, súplicas por todos vós, em todas as minhas orações,

5 pela vossa cooperação no evangelho, desde o primeiro dia até agora.

6 Estou plenamente certo de que aquele que começou boa obra em vós há de completá-la até ao Dia de Cristo Jesus.

7 Aliás, é justo que eu assim pense de todos vós, porque vos trago no coração, seja nas minhas algemas, seja na defesa e confirmação do evangelho, pois todos sois participantes da graça comigo.

8 Pois minha testemunha é Deus, da saudade que tenho de todos vós, na terna misericórdia de Cristo Jesus.

9 E também faço esta oração: que o vosso amor aumente mais e mais em pleno conhecimento e toda a percepção,

Filipigh 1

Beannú

1Pól agus Tiomóid, seirbhísigh Íosa Críost, ag beannú don phobal naofa uile i bhFilipí atá aontaithe le hÍosa Críost, agus dá gcuid uachtarán agus cúntóirí.

2Grásta chugaibh agus síocháin ó Dhia ár nAthair agus ó Íosa Críost ár dTiarna.

Guí Phóil

3Gach uair dá gcuimhním oraibh gabhaim buíochas le mo Dhia

4agus gach uair a bhím ag guí déanaim guí oraibh uile go lúcháireach,

5mar gheall ar an bpáirt a bhí agaibh sa dea-scéal ón gcéad lá riamh go dtí inniu.

6Agus táim cinnte den mhéid seo: an té a thosaigh an dea-obair in bhur measc go leanfaidh sé á chur i gcrích go dtí lá Íosa Críost.

7Is maith is ceart dom an aigne seo a bheith agam in bhur dtaobh go léir, de bhrí go bhfuil sibh i gcochall mo chroí agam agus a rá go bhfuil sibh go léir rannpháirteach sa ghrásta a bhronn Dia orm, cibé acu a bhím i gcuibhreacha nó ag cosaint agus ag daingniú an dea-scéil.

8Tá a fhios ag Dia go bhfuilim ag tnúth libh uile le cion Íosa Críost féin.

9Is é mo ghuí go rachaidh bhur ngrá dá chéile i méid agus i méid le barr eolais agus tuisceana,

[10] para aprovardes as coisas excelentes e serdes sinceros e inculpáveis para o Dia de Cristo,

[11] cheios do fruto de justiça, o qual é mediante Jesus Cristo, para a glória e louvor de Deus.

A situação do apóstolo contribui para o progresso do evangelho

[12] Quero ainda, irmãos, cientificar-vos de que as coisas que me aconteceram têm, antes, contribuído para o progresso do evangelho;

[13] de maneira que as minhas cadeias, em Cristo, se tornaram conhecidas de toda a guarda pretoriana e de todos os demais;

[14] e a maioria dos irmãos, estimulados no SENHOR por minhas algemas, ousam falar com mais desassombro a palavra de Deus.

[15] Alguns, efetivamente, proclamam a Cristo por inveja e porfia; outros, porém, o fazem de boa vontade;

[16] estes, por amor, sabendo que estou incumbido da defesa do evangelho;

[17] aqueles, contudo, pregam a Cristo, por discórdia, insinceramente, julgando suscitar tribulação às minhas cadeias.

[18] Todavia, que importa? Uma vez que Cristo, de qualquer modo, está sendo pregado, quer por pretexto, quer por verdade, também com isto me regozijo, sim, sempre me regozijarei.

[10]sa tslí go mba rogha libh na nithe is fearr agus go mbeidh sibh glan gan locht i gcomhair lá Chríost

[11]agus go mbeidh sibh lán de thorthaí na fíréantachta sin a thagann trí Íosa Críost, chun moladh agus glóire Dé.

Cás Phóil

[12]Ba mhaith liom é seo a chur in iúl daoibh, a bhráithre: an cor atá ormsa gurb amhlaidh a chuidigh sé leis an dea-scéal a chur chun cinn

[13]mar gur follas don gharda praetóireach ar fad agus do chách eile gur ar son Chríost atáimse i ngéibheann.

[14]Rud eile de, chuir mo chuibhreacha misneach sa Tiarna ar fhormhór mo bhráithre Críostaí i dtreo gur dána ná riamh iad ag fógairt an dea-scéil gan scáth gan eagla.

[15]Tá daoine áirithe gan dabht agus is le teann formaid agus aighnis a dhéanann siad Críost a fhógairt ach tá an chuid eile á dhéanamh le dea-rún.

[16]Is le neart grá dom atá siadsan ag obair mar go dtuigeann siad gur ag cosaint an dea-scéil atáim ceaptha.

[17]Ach an dream atá ag fógairt Chríost le teann mioscaise, ní le hintinn ghlan atá siad á dhéanamh ach d'fhonn anacair a tharraingt ormsa agus mé i ngéibheann.

[18]Ach nach cuma é? Mar, cibé acu le cur i gcéill nó le dáiríreacht é, is é Críost atá á fhógairt ar aon chuma agus sin é an rud a chuireann áthas orm; agus leanfaidh mé ag déanamh áthais mar gheall air

[19] Porque estou certo de que isto mesmo, pela vossa súplica e pela provisão do Espírito de Jesus Cristo, me redundará em libertação,

[19]mar go bhfuil a fhios agam go rachaidh sé chun mo shlánaithe le cabhair bhur n-urnaithese agus le cúnamh ó Spiorad Íosa Críost.

[20] segundo a minha ardente expectativa e esperança de que em nada serei envergonhado; antes, com toda a ousadia, como sempre, também agora, será Cristo engrandecido no meu corpo, quer pela vida, quer pela morte.

[20]Mar tá súil agus dóchas láidir agam nach gcuirfear aon náire ar aon chor orm ach le gach muinín anois mar ba ghnáth go nglóireofar Críost i mo chorp, cibé acu beatha nó bás atá i ndán dom.

[21] Porquanto, para mim, o viver é Cristo, e o morrer é lucro.

[21]Mar is é Críost is beatha domsa agus ba shochar dom an bás.

[22] Entretanto, se o viver na carne traz fruto para o meu trabalho, já não sei o que hei de escolher.

[22]Ar an taobh eile, áfach, má bhíonn rath ar mo shaothar fad a mhairim sa cholainn, ní fheadar cé acu rogha a dhéanfaidh mé.

[23] Ora, de um e outro lado, estou constrangido, tendo o desejo de partir e estar com Cristo, o que é incomparavelmente melhor.

[23]Táim i gcás idir dhá chomhairle: tá fonn orm síothlú liom agus bheith fara Críost, mar ba é ba fhearr go mór.

[24] Mas, por vossa causa, é mais necessário permanecer na carne.

[24]Ach is riachtanaí go bhfanfainn sa cholainn ar mhaithe libhse.

[25] E, convencido disto, estou certo de que ficarei e permanecerei com todos vós, para o vosso progresso e gozo da fé,

[25]Ós deimhin liom sin, tá a fhios agam go bhfanfaidh mé ann go fóill chun cuidiú libhse uile d'fhonn bhur gcreideamh a chur chun cinn agus bhur lúcháir ann a mhéadú,

[26] a fim de que aumente, quanto a mim, o motivo de vos gloriardes em Cristo Jesus, pela minha presença, de novo, convosco.

[26]i dtreo nuair a thiocfaidh mé arís chugaibh go mbeidh sibh níos bródúla ná riamh asam in Íosa Críost.

A unidade cristã na luta

[27] Vivei, acima de tudo, por modo digno do evangelho de Cristo, para que, ou indo ver-vos ou estando ausente, ouça, no tocante a vós outros, que estais firmes em um só espírito, como uma só alma, lutando juntos pela fé evangélica;

[27]Ní mór daoibh, áfach, bhur saol a thabhairt go fiúntach de réir dea-scéal Chríost. Sa tslí sin, cibé acu a thagaim do bhur bhfeiceáil nó a bheidh mé i bhfad uaibh, beidh sé le clos agam in bhur dtaobh go bhfuil sibh ag seasamh an fhóid

28 e que em nada estais intimidados pelos adversários. Pois o que é para eles prova evidente de perdição é, para vós outros, de salvação, e isto da parte de Deus.

29 Porque vos foi concedida a graça de padecerdes por Cristo e não somente de crerdes nele,

30 pois tendes o mesmo combate que vistes em mim e, ainda agora, ouvis que é o meu.

Filipenses 2

Exortação ao amor fraternal e à humildade

1 Se há, pois, alguma exortação em Cristo, alguma consolação de amor, alguma comunhão do Espírito, se há entranhados afetos e misericórdias,

2 completai a minha alegria, de modo que penseis a mesma coisa, tenhais o mesmo amor, sejais unidos de alma, tendo o mesmo sentimento.

3 Nada façais por partidarismo ou vanglória, mas por humildade, considerando cada um os outros superiores a si mesmo.

4 Não tenha cada um em vista o que é propriamente seu, senão também cada qual o que é dos outros.

O exemplo de Cristo na humilhação

san aon spiorad agus ag troid gualainn ar ghualainn d'aontoil ar son chreideamh an dea-scéil,

28agus gan eagla ar bith oraibh roimh bhur naimhde. Is cruthú é sin go bhfuil bascadh i ndán dóibhsean ag Dia agus bhur slánú i ndán daoibhse.

29Mar tá sé faighte de phribhléid agaibhse as ucht Chríost ní amháin creideamh a bheith agaibh ann ach fulaingt ar a shon chomh maith.

30Tá an comhrac céanna le tabhairt agaibhse a chonaic sibh á thabhairt agamsa agus a chloiseann sibh a bheith á thabhairt agam anois féin.

Filipigh 2

Aithris ar Chríost

1Dá bhrí sin más fiú aon ní an sólás a fhaigheann sibh i gCríost, más fiú aon ní an spreagadh a thagann ón ngrá, más fiú aon ní bhur gcumann leis an Spiorad, má tá cion nó trua ar bith ionaibh,

2cuirigí barr ar mo chuid áthais trí bheith ar aon aigne le chéile, ar aon ghrá, ar aon toil agus ar aon aigne.

3Ná déanaigí aon ní le teann iomaíochta ná le teann gaisce, ach sibh á mheas go huiríseal gur fearr daoine eile ná sibh féin.

4Ná bíodh aon duine agaibh ag cuimhneamh ar a leas féin amháin ach ar leas na gcomharsana chomh maith.

5 Tende em vós o mesmo sentimento que houve também em Cristo Jesus,

5Bígí ar aon mheon le hÍosa Críost:

6 pois ele, subsistindo em forma de Deus, não julgou como usurpação o ser igual a Deus;

6An té úd a bhí i riocht Dé ó dhúchas, níorbh éadáil leis bheith ar chomhchéim le Dia,

7 antes, a si mesmo se esvaziou, assumindo a forma de servo, tornando-se em semelhança de homens; e, reconhecido em figura humana,

7Ach lom sé é féin. Agus chuir áir riocht an sclábha agus tháinig chun bheith ina dhuine mar chách eile.

8 a si mesmo se humilhou, tornando-se obediente até à morte e morte de cruz.

8Agus ar theacht ann dó i gcló daonna, d'ísligh sé é féin agus bhí umhal go bás - go bás na croise féin.

9 Pelo que também Deus o exaltou sobremaneira e lhe deu o nome que está acima de todo nome,

9Sin é an fáth ar ardaigh Dia thar na bearta é agus bhronn air an t-ainm úd atá os cionn gach ainm,

10 para que ao nome de Jesus se dobre todo joelho, nos céus, na terra e debaixo da terra,

10i dtreo nuair a luafaí ainm Íosa go gcromfadh glúin gach neach dá bhfuil ar neamh agus ar talamh agus in ifreann

11 e toda língua confesse que Jesus Cristo é SENHOR, para glória de Deus Pai.

11agus go ndearbhódh gach teanga, in ómós do Dhia an tAthair, gurb é Íosa Críost an Tiarna.

O desenvolvimento da salvação

12 Assim, pois, amados meus, como sempre obedecestes, não só na minha presença, porém, muito mais agora, na minha ausência, desenvolvei a vossa salvação com temor e tremor;

12Dá bhrí sin, a mhuintir na páirte, faoi mar a rinne sibh rud orm i gcónaí agus mé in bhur measc, déanaigí rud anois orm níos mó ná riamh agus mé i bhfad uaibh, agus saothraígí bhur slánú faoi uamhan agus faoi eagla,

13 porque Deus é quem efetua em vós tanto o querer como o realizar, segundo a sua boa vontade.

13mar is é Dia atá ag spreagadh idir rún agus ghníomh ionaibh de réir a dhea-thola féin.

14 Fazei tudo sem murmurações nem contendas,

14Déanaigí gach ní gan chasaoid ná argóint, ar shlí go mbeadh sibh gan locht gan urchóid, in bhur gclann gan cháim ag Dia i lár glúine atá truaillithe claon

[15] para que vos torneis irrepreensíveis e sinceros, filhos de Deus inculpáveis no meio de uma geração pervertida e corrupta, na qual resplandeceis como luzeiros no mundo,

[16] preservando a palavra da vida, para que, no Dia de Cristo, eu me glorie de que não corri em vão, nem me esforcei inutilmente.

[17] Entretanto, mesmo que seja eu oferecido por libação sobre o sacrifício e serviço da vossa fé, alegro-me e, com todos vós, me congratulo.

[18] Assim, vós também, pela mesma razão, alegrai-vos e congratulai-vos comigo.

Paulo e seus companheiros Timóteo e Epafrodito

[19] Espero, porém, no SENHOR Jesus, mandar-vos Timóteo, o mais breve possível, a fim de que eu me sinta animado também, tendo conhecimento da vossa situação.

[20] Porque a ninguém tenho de igual sentimento que, sinceramente, cuide dos vossos interesses;

[21] pois todos eles buscam o que é seu próprio, não o que é de Cristo Jesus.

[22] E conheceis o seu caráter provado, pois serviu ao evangelho, junto comigo, como filho ao pai.

[15]agus go mbeadh sibh chomh feiceálach ina measc le soilse na cruinne

[16]mar go bhfuil scéal na beatha le tairiscint agaibh dóibh. Dá chionn beidh sé le maíomh agamsa lá Chríost nach in aisce a thug mé mo chúrsa agus nach in aisce a rinne mé saothar.

[17]Fiú amháin má tá mo chuid fola le doirteadh agam mar dheoch ofrála ar an íobairt a dhéanann sibh chun Dé le bhur gcreideamh, tá áthas orm faoi agus déanaim comhghairdeas libh uile.

[18]Bíodh an t-áthas céanna oraibhse agus déanaigí comhghairdeas liomsa.

Tiomóid agus Eapafraidíteas

[19]Tá súil agam, le toil an Tiarna Íosa, nach fada go gcuirfidh mé Tiomóid chugaibh le hionchas go gcuirfeadh bhur dtuairisc éirí croí orm.

[20]Níl aon duine agam atá chomh báúil leis-sean ná chomh himníoch dáiríre fúibhse.

[21]Mar is iad a gcúrsaí féin agus ní hiad cúrsaí Íosa Críost is cás leis an gcuid eile ar fad.

[22]Is eol daoibh féin a fheabhas a chruthaigh sé ag obair le mo thaobhsa ar son an dea-scéil, mar a bheadh mac ag fónamh dá athair.

[23] Este, com efeito, é quem espero enviar, tão logo tenha eu visto a minha situação.

[24] E estou persuadido no SENHOR de que também eu mesmo, brevemente, irei.

[25] Julguei, todavia, necessário mandar até vós Epafrodito, por um lado, meu irmão, cooperador e companheiro de lutas; e, por outro, vosso mensageiro e vosso auxiliar nas minhas necessidades;

[26] visto que ele tinha saudade de todos vós e estava angustiado porque ouvistes que adoeceu.

[27] Com efeito, adoeceu mortalmente; Deus, porém, se compadeceu dele e não somente dele, mas também de mim, para que eu não tivesse tristeza sobre tristeza.

[28] Por isso, tanto mais me apresso em mandá-lo, para que, vendo-o novamente, vos alegreis, e eu tenha menos tristeza.

[29] Recebei-o, pois, no SENHOR, com toda a alegria, e honrai sempre a homens como esse;

[30] visto que, por causa da obra de Cristo, chegou ele às portas da morte e se dispôs a dar a própria vida, para suprir a vossa carência de socorro para comigo.

Filipenses 3

A exortação referente à alegria cristã

[1] Quanto ao mais, irmãos meus, alegrai-vos no SENHOR. A mim, não me desgosta

[23]Más ea, táim ag brath ar é a chur (chugaibh) an túisce a bheidh a fhios agam conas a bheidh an scéal agam féin.

[24]Agus tá súil agam sa Tiarna nach fada go mbeidh mé féin chugaibh chomh maith.

[25]Measaim, áfach, nach mór dom mo bhráthair Eapafraidíteas a chur chugaibh. Is comhoibrí agus comhthrodaí liom é agus is sibhse féin a sheol chugam ina theachta é chun riar mo cháis a sholáthar dom.

[26]Is fada leis uaidh sibh go léir agus tá imní air toisc gur chuala sibh go raibh sé breoite.

[27]Agus is é a bhí breoite go deimhin agus i mbéala an bháis féin, ach rinne Dia trócaire air - agus ní air sin amháin é ach ormsa freisin mar gur shábháil sé ó bhrón ar bhrón mé.

[28]Is móide dá chionn sin an fonn atá orm é a chur ar ais chugaibh mar go mbeidh áthas oraibhse é a fheiceáil agus go laghdóidh sin mo bhuairtse.

[29]Cuirigí fíorchaoin fáilte roimhe sa Tiarna dá bhrí sin, agus bíodh meas agaibh ar a leithéid

[30] mar is ar mhaithe le gnó an Tiarna a chuaigh sé i mbaol an bháis agus chuir a bheo i bhfiontar ag tabhairt na cabhrach domsa a bhí thar bhur gcumas-sa a thabhairt.

Filipigh 3

An Fhíréantacht

[1]Agus mar fhocal scoir, a bhráithre liom, bíodh áthas oraibh sa Tiarna. Níl leisce ar

e é segurança para vós outros que eu escreva as mesmas coisas.

bith orm a bhfuil scríofa cheana agam a scríobh arís chugaibh mar is é bhur leas é.

O aviso contra os falsos mestres

[2] Acautelai-vos dos cães! Acautelai-vos dos maus obreiros! Acautelai-vos da falsa circuncisão!

[2]Seachnaígí na gadhair! Seachnaígí lucht na mioscaise! Seachnaígí lucht ciorraithe an choirp!

[3] Porque nós é que somos a circuncisão, nós que adoramos a Deus no Espírito, e nos gloriamos em Cristo Jesus, e não confiamos na carne.

[3]Is againne atá an fíorthimpeallghearradh mar is faoi anáil an Spioraid a adhraímid Dia agus is as Íosa Críost atá ár maíomh in ionad dul i muinín na colainne,

[4] Bem que eu poderia confiar também na carne. Se qualquer outro pensa que pode confiar na carne, eu ainda mais:

[4]siúd is go bhféadfainnse bheith teann as an gcolainn chomh maith le cách. Go deimhin cibé duine eile atá teann as an gcolainn, is mó ná sin an bun atá agamsa le bheith amhlaidh:

[5] circuncidado ao oitavo dia, da linhagem de Israel, da tribo de Benjamim, hebreu de hebreus; quanto à lei, fariseu,

[5]de shliocht Iosrael mé, de threibh Bhiniáimin, Eabhrach den fhíorfhuil Eabhrach, agus timpeallghearradh mé ar an ochtú lá. I dtaca leis an dlí bhí mé i m'Fhairisíneach;

[6] quanto ao zelo, perseguidor da igreja; quanto à justiça que há na lei, irrepreensível.

[6]i dtaca le díograis chreidimh bhí mé i mo ghéarleantóir ar an Eaglais, agus i dtaca le fíréantacht dhlithiúil bhí mé gan cháim.

[7] Mas o que, para mim, era lucro, isto considerei perda por causa de Cristo.

[7]Na buntáistí seo a bhí agam, áfach, tá áirithe anois agam gur caillteanas glan iad mar gheall ar Chríost.

[8] Sim, deveras considero tudo como perda, por causa da sublimidade do conhecimento de Cristo Jesus, meu SENHOR; por amor do qual perdi todas as coisas e as considero como refugo, para ganhar a Cristo

[8]Agus ní hé sin amháin é ach áirím gur caillteanas gach uile ní le hais an bhua thar barr atá faighte agam: aithne a chur ar Íosa Críost, mo Thiarna. Ar mhaithe leis sin ligeas an t-iomlán ar ceal, agus tuigtear dom nach raibh ann ach truflais, le go ndéanfainn Críost a ghnóthú

[9] e ser achado nele, não tendo justiça própria, que procede de lei, senão a que é

[9]agus mé a bheith aontaithe leis. Ní hí m'fhíréantacht féin atá anois agam, is é sin le rá an fhíréantacht a ghabhann le

mediante a fé em Cristo, a justiça que procede de Deus, baseada na fé;

comhlíonadh an dlí, ach an fhíréantacht a ghabhann le creideamh i gCríost, an fhíréantacht a thagann ó Dhia féin agus atá bunaithe ar an gcreideamh.

[10] para o conhecer, e o poder da sua ressurreição, e a comunhão dos seus sofrimentos, conformando-me com ele na sua morte;

[10]Níl uaim anois ach aithne a chur ar [Chríost] agus ar éifeacht a aiséirí, ar bheith páirteach leis ina phiolóidí agus bheith cosúil leis ina bhás

[11] para, de algum modo, alcançar a ressurreição dentre os mortos.

[11]le hionchas go dtiocfainn ar shlí éigin chun an aiséirí ó mhairbh.

A soberana vocação

Ag Teannadh chun na Sprice

[12] Não que eu o tenha já recebido ou tenha já obtido a perfeição; mas prossigo para conquistar aquilo para o que também fui conquistado por Cristo Jesus.

[12]Ní hé go bhfuil mo chuspóir bainte amach agam go fóill ná go bhfuilim tagtha chun foirfeachta go fóill; ach leanaim orm ag iarraidh an duais a bhreith liom mar go bhfuil beirthe orm féin ag Íosa Críost.

[13] Irmãos, quanto a mim, não julgo havê-lo alcançado; mas uma coisa faço: esquecendo-me das coisas que para trás ficam e avançando para as que diante de mim estão,

[13]Sea, a bhráithre, ní dóigh liom go bhfuil an báire liom go fóill: níl á dhéanamh amháin agam ach an bóthar atá gafa a ligean i ndearmad agus luí amach go dícheallach ar an mbóthar atá romham

[14] prossigo para o alvo, para o prêmio da soberana vocação de Deus em Cristo Jesus.

[14]agus leanúint orm faoi dhéin na sprice nó go mbeidh an duais bainte agam - an ghairm in airde a tháinig ó Dhia in Íosa Críost.

[15] Todos, pois, que somos perfeitos, tenhamos este sentimento; e, se, porventura, pensais doutro modo, também isto Deus vos esclarecerá.

[15]An méid againn atá tagtha in inmhe fir, bíodh an dearcadh sin againn. Ach má tá a mhalairt de dhearcadh agaibhse faoi rud ar bith, cuirfidh Dia ar an eolas sibh faoi sin freisin.

[16] Todavia, andemos de acordo com o que já alcançamos.

[16]Cibé scéal é leanaimis den bhóthar atá gafa againn go dtí seo.

Os inimigos da cruz de Cristo

Aithris ar Phól

[17] Irmãos, sede imitadores meus e observai os que andam segundo o modelo que tendes em nós.

[17]Déanaigí aithris ormsa le chéile, a bhráithre. Bígí ag faire ar na daoine a

dhéanann de réir an tsampla a thugaimid daoibh.

[18] Pois muitos andam entre nós, dos quais, repetidas vezes, eu vos dizia e, agora, vos digo, até chorando, que são inimigos da cruz de Cristo.

[18]Is minic ráite agam cheana libh - agus deirim libh anois é go deorach - go bhfuil mórán ag imeacht ina naimhde do chros Chríost.

[19] O destino deles é a perdição, o deus deles é o ventre, e a glória deles está na sua infâmia, visto que só se preocupam com as coisas terrenas.

[19]Is é a mbascadh is dán dóibh sin; níl de Dhia acu ach a mbolg agus iad bródúil as a gcuid mínáire agus gan ach nithe saolta ina gceann acu.

[20] Pois a nossa pátria está nos céus, de onde também aguardamos o Salvador, o SENHOR Jesus Cristo,

[20]Ar neamh atá ár mbaile dúchais againne, áfach, agus is ó neamh atáimid ag súil lenar bhfuasclóir a theacht, an Tiarna Íosa Críost.

[21] o qual transformará o nosso corpo de humilhação, para ser igual ao corpo da sua glória, segundo a eficácia do poder que ele tem de até subordinar a si todas as coisas.

[21]Déanfaidh seisean an corp uiríseal seo againn a athmhúnlú ar aon dul lena chorp glórmhar féin - as ucht na cumhachta lena bhféadann sé gach uile ní a thabhairt faoina smacht.

Filipenses 4

[1] Portanto, meus irmãos, amados e mui saudosos, minha alegria e coroa, sim, amados, permanecei, deste modo, firmes no SENHOR.

Apelo de Paulo para Evódia e Síntique. Regozijo e oração

[2] Rogo a Evódia e rogo a Síntique pensem concordemente, no SENHOR.

[3] A ti, fiel companheiro de jugo, também peço que as auxilies, pois juntas se esforçaram comigo no evangelho, também com Clemente e com os demais cooperadores meus, cujos nomes se encontram no Livro da Vida.

Filipigh 4

[1]Dá bhrí sin, a bhráithre ionúine na pairte, ós sibhse m'aoibhneas agus mo chuid den saol, seasaigí go daingean sa Tiarna, a chairde cléibh.

Comhairle

[2]Impím ar Euoidia agus ar Shinticé teacht chun muintearais le chéile sa Tiarna;

[3]agus iarraim ortsa, a pháirtí dhil, lámh chúnta a thabhairt dóibh mar gur sheas siad gualainn ar ghualainn liomsa ag cosaint an dea-scéil, mar aon le Cléimins agus leis na cúntóirí eile agam a bhfuil a n-ainmneacha scríofa i leabhar na beatha.

[4] Alegrai-vos sempre no SENHOR; outra vez digo: alegrai-vos.

[5] Seja a vossa moderação conhecida de todos os homens. Perto está o SENHOR.

[6] Não andeis ansiosos de coisa alguma; em tudo, porém, sejam conhecidas, diante de Deus, as vossas petições, pela oração e pela súplica, com ações de graças.

[7] E a paz de Deus, que excede todo o entendimento, guardará o vosso coração e a vossa mente em Cristo Jesus.

O em que pensar

[8] Finalmente, irmãos, tudo o que é verdadeiro, tudo o que é respeitável, tudo o que é justo, tudo o que é puro, tudo o que é amável, tudo o que é de boa fama, se alguma virtude há e se algum louvor existe, seja isso o que ocupe o vosso pensamento.

[9] O que também aprendestes, e recebestes, e ouvistes, e vistes em mim, isso praticai; e o Deus da paz será convosco.

A gratidão de Paulo para com os filipenses

[10] Alegrei-me, sobremaneira, no SENHOR porque, agora, uma vez mais, renovastes a meu favor o vosso cuidado; o qual também já tínheis antes, mas vos faltava oportunidade.

[11] Digo isto, não por causa da pobreza, porque aprendi a viver contente em toda e qualquer situação.

[12] Tanto sei estar humilhado como também ser honrado; de tudo e em todas as circunstâncias, já tenho experiência,

[4]Bígí lúcháireach i gcónaí sa Tiarna. Deirim arís é: bíodh lúcháir oraibh.

[5]Bíodh bhur gceansacht le feiceáil ag an saol mór mar ní fada uainn an Tiarna.

[6]Ná bígí imníoch faoi rud ar bith ach cibé ní atá in easnamh oraibh cuirigí in iúl do Dhia é le hurnaí agus guí agus buíochas buan.

[7]Agus sa tslí sin beidh síocháin Dé atá os cionn ár dtuisceana ag gardáil bhur gcroí agus bhur smaointe in Íosa Críost.

[8]Mar fhocal scoir, a bhráithre, bíodh bhur n-aire ar an rud fíor, ar an rud uasal, ar an rud cóir, ar an rud naofa, ar an rud measúil, ar an rud creidiúnach, ar an rud atá suáilceach inmholta.

[9]Má chuireann sibh i bhfeidhm an teagasc a mhúin mé daoibh agus a ghlac sibh uaim agus na nithe a chuala sibh nó a chonaic sibh mé a dhéanamh, beidh Dia na síochána faraibh.

[10]Bhí ardáthas orm sa Tiarna gur tháinig athbhláth faoi dheireadh thiar ar an tsuim atá agaibh ionam i gcónaí ach gan aon chaoi agaibh í a thaispeáint.

[11]Ní ag casaoid faoin ngannchúis atáim mar tá foghlamtha agamsa bheith sásta lena bhfuil agam.

[12]Tá eolas agam ar an gcaolchuid agus ar an bhflúirse. Tá seantaithí agam ar gach

tanto de fartura como de fome; assim de abundância como de escassez;

13 tudo posso naquele que me fortalece.

14 Todavia, fizestes bem, associando-vos na minha tribulação.

15 E sabeis também vós, ó filipenses, que, no início do evangelho, quando parti da Macedônia, nenhuma igreja se associou comigo no tocante a dar e receber, senão unicamente vós outros;

16 porque até para Tessalônica mandastes não somente uma vez, mas duas, o bastante para as minhas necessidades.

17 Não que eu procure o donativo, mas o que realmente me interessa é o fruto que aumente o vosso crédito.

18 Recebi tudo e tenho abundância; estou suprido, desde que Epafrodito me passou às mãos o que me veio de vossa parte como aroma suave, como sacrifício aceitável e aprazível a Deus.

19 E o meu Deus, segundo a sua riqueza em glória, há de suprir, em Cristo Jesus, cada uma de vossas necessidades.

20 Ora, a nosso Deus e Pai seja a glória pelos séculos dos séculos. Amém!

Saudações e bênção

21 Saudai cada um dos santos em Cristo Jesus. Os irmãos que se acham comigo vos saúdam.

22 Todos os santos vos saúdam, especialmente os da casa de César.

sórt: ar an mórdhóthain agus ar an ocras, ar an bhflúirse agus ar an ngannchuid.

13Táim in ann gach ní a dhéanamh le cabhair an té úd a thugann neart dom.

14Mar sin féin ba mhaith an mhaise daoibhse teacht i gcabhair orm i mo chruachás.

15Tá a fhios agaibh féin, a mhuintir Fhilipí, nuair a d'fhág mé an Mhacadóin ag tosú ar an tsoiscéalaíocht, nach ndeachaigh aon eaglais i bpáirtíocht ná i gcomhar liom sa ghnó ach sibhse amháin.

16Agus le linn dom bheith i dTeasaloinicé, chuir sibh riar mo cháis chugam, agus ní aon uair amháin é ach faoi dhó.

17Ach ní hé bhur síntiús is mór agamsa ach an brabach iomadúil atá ag dul daoibh.

18Tá mo dhóthain agamsa anois agus breis. Tá flúirse agam ó fuair mé bhur síntiús ó Eapafraidíteas. Is geall le boladh cumhra an síntiús sin nó le híobairt thaitneamhach a shásódh Dia.

19Agus déanfaidh mo Dhia riar go fial ar gach riachtanas daoibhse as a fhlúirse féin i nglóir in Íosa Críost.

20Moladh le Dia, ár nAthair, le saol na saol. Amen.

Beannachtaí

21Beirigí beannacht chun gach duine den phobal naofa in Íosa Críost. Cuireann na bráithre atá in éineacht liom a mbeannacht chugaibhse.

22Cuireann an pobal naofa uile anseo a mbeannacht chugaibh agus iad sin go

háirithe a bhaineann le teaghlach Chéasair.

[23] A graça do SENHOR Jesus Cristo seja com o vosso espírito.

[23]Grásta an Tiarna Íosa Críost go raibh agaibh uile.

Epístola de Paulo aos Colossenses

Colossenses 1

Prefácio e saudação

[1] Paulo, apóstolo de Cristo Jesus, por vontade de Deus, e o irmão Timóteo,

[2] aos santos e fiéis irmãos em Cristo que se encontram em Colossos, graça e paz a vós outros, da parte de Deus, nosso Pai.

Ação de graças

[3] Damos sempre graças a Deus, Pai de nosso SENHOR Jesus Cristo, quando oramos por vós,

[4] desde que ouvimos da vossa fé em Cristo Jesus e do amor que tendes para com todos os santos;

[5] por causa da esperança que vos está preservada nos céus, da qual antes ouvistes pela palavra da verdade do evangelho,

[6] que chegou até vós; como também, em todo o mundo, está produzindo fruto e crescendo, tal acontece entre vós, desde o dia em que ouvistes e entendestes a graça de Deus na verdade;

[7] segundo fostes instruídos por Epafras, nosso amado conservo e, quanto a vós outros, fiel ministro de Cristo,

[8] o qual também nos relatou do vosso amor no Espírito.

Paulo ora pelos colossenses

Colosaigh

Colosaigh 1

Beannú

[1]Mise Pól, aspal Íosa Críost de dheoin Dé, agus an bráthair Tiomóid -

[2]guímid beannacht ar an bpobal naofa i gColosae, ar na bráithre dílse i gCríost. Grásta chugaibh agus síocháin ó Dhia ár nAthair.

Buíochas le Dia

[3]Gach uair dá mbímid ag guí, gabhaimid buíochas le Dia, le hAthair ár dTiarna Íosa Críost, mar gheall oraibh,

[4]mar tá iomrá cloiste againn ar bhur gcreideamh in Íosa Críost agus ar an ngrá atá agaibh don phobal naofa go huile

[5]toisc súil a bheith agaibh lena bhfuil in áirithe daoibh sna flaithis. Chuala sibh iomrá ar an luach saothair seo don chéad uair i dteachtaireacht na fírinne, is é sin sa dea-scéal

[6]a tháinig chugaibh agus atá ag fás agus ag tabhairt toradh uaidh ar fud an domhain mhóir, go díreach mar atá aige á dhéanamh in bhur measc féin freisin ón gcéad lá a chuala sibh iomrá ar ghrásta Dé agus a chuir sibh eolas air dáiríre.

[7]Is é múinteoir a bhí agaibh ár gcomhsclábha ionúin féin, Eipeafras, searbhónta dílis do Chríost agus fear ionaid dúinne;

[8]agus is é a chuir síos dúinn chomh maith ar an ngrá atá ionaibhse faoi luí an Spioraid.

Guí Phóil

[9] Por esta razão, também nós, desde o dia em que o ouvimos, não cessamos de orar por vós e de pedir que transbordeis de pleno conhecimento da sua vontade, em toda a sabedoria e entendimento espiritual;

[9]Sin é an fáth, ón lá a chualamar an scéal, nár stadamar ach ag guí oraibh, á iarraidh go líonfaí sibh d'eolas ar a thoil le barr eagna agus tuisceana spioradálta,

[10] a fim de viverdes de modo digno do SENHOR, para o seu inteiro agrado, frutificando em toda boa obra e crescendo no pleno conhecimento de Deus;

[10]ionas go dtabharfadh sibh bhur saol mar is dual de réir an Tiarna agus go mbeadh sé lánsásta libh; go dtiocfadh forás ar bhur ndea-oibreacha agus méadú ar bhur n-eolas ar Dhia;

[11] sendo fortalecidos com todo o poder, segundo a força da sua glória, em toda a perseverança e longanimidade; com alegria,

[11]go gcuirfeadh a neart glórmhar ar bhur gcumas cur suas go foighneach le gach ní

[12] dando graças ao Pai, que vos fez idôneos à parte que vos cabe da herança dos santos na luz.

[12]agus go mbeadh sibh go lúcháireach ag gabháil buíochais leis an Athair a dheonaigh daoibh a bheith páirteach in oidhreacht an phobail naofa sa solas

A excelência da pessoa e da obra de Cristo

[13] Ele nos libertou do império das trevas e nos transportou para o reino do Filho do seu amor,

[13]agus a d'fhuascail sinn ó chumhacht an dorchadais agus d'aistrigh isteach sinn i ríocht a mhic mhuirnigh.

[14] no qual temos a redenção, a remissão dos pecados.

[14]Is tríd an Mac sin atá ár bhfuascailt le fáil, is é sin, maithiúnas na bpeacaí.

Gradam Chríost

[15] Este é a imagem do Deus invisível, o primogênito de toda a criação;

[15]Is íomhá den Dia dofheicthe é agus céadghin gach dúile cruthaithe

[16] pois, nele, foram criadas todas as coisas, nos céus e sobre a terra, as visíveis e as invisíveis, sejam tronos, sejam soberanias, quer principados, quer potestades. Tudo foi criado por meio dele e para ele.

[16]mar is trídsean a cruthaíodh a bhfuil ar neamh agus ar talamh bídís sofheicthe nó dofheicthe, idir Thróin agus Thiarnais idir Phrionsachtaí agus Chumhachtaí. Is trídsean agus dósan a cruthaíodh an t-iomlán.

[17] Ele é antes de todas as coisas. Nele, tudo subsiste.

[17]Tá tosach aige orthu uile agus is ann a choinnítear ar bun iad.

[18] Ele é a cabeça do corpo, da igreja. Ele é o princípio, o primogênito de entre os mortos, para em todas as coisas ter a primazia,

[19] porque aprouve a Deus que, nele, residisse toda a plenitude

[20] e que, havendo feito a paz pelo sangue da sua cruz, por meio dele, reconciliasse consigo mesmo todas as coisas, quer sobre a terra, quer nos céus.

[21] E a vós outros também que, outrora, éreis estranhos e inimigos no entendimento pelas vossas obras malignas,

[22] agora, porém, vos reconciliou no corpo da sua carne, mediante a sua morte, para apresentar-vos perante ele santos, inculpáveis e irrepreensíveis,

[23] se é que permaneceis na fé, alicerçados e firmes, não vos deixando afastar da esperança do evangelho que ouvistes e que foi pregado a toda criatura debaixo do céu, e do qual eu, Paulo, me tornei ministro.

A missão de Paulo. O mistério do evangelho

[24] Agora, me regozijo nos meus sofrimentos por vós; e preencho o que resta das aflições de Cristo, na minha carne, a favor do seu corpo, que é a igreja;

[25] da qual me tornei ministro de acordo com a dispensação da parte de Deus, que me foi confiada a vosso favor, para dar pleno cumprimento à palavra de Deus:

[18]Is é ceann an choirp é, ceann na hEaglaise. Is é an tús é, an chéadghin ó mhairbh i dtreo go mbeadh an tosach aige ar gach slí.

[19]Mar is ann ab áil le lánmhaireacht iomlán Dé a bheith ina cónaí,

[20]agus is trídsean ab áil leis gach a bhfuil ar neamh agus ar talamh a thabhairt chun athmhuintearais leis féin, agus síocháin a dhéanamh leo trí fhuil a chroise.

[21]Tráth dá raibh, bhí sibhse féin in earraid [le Dia] agus naimhdeach dó in bhur n-aigne, de dheasca bhur ndrochghníomhartha;

[22]ach tá athmhuintearas déanta aige anois libh trína bhás ina chorp collaí d'fhonn sibh a thabhairt ina láthair go naofa gan cháim gan locht.

[23]Ní mór daoibh, áfach, fanacht bunaithe go daingean ar an gcreideamh, agus gan bogadh ón dóchas a lasadh ionaibh ag an dea-scéal atá cloiste agaibh agus atá fógartha don uile dhuine faoin spéir agus a bhfuilimse, Pól, i mo mhaor air.

Saothar Phóil

[24]Is cúis áthais domsa a bhfuil á fhulaingt anois agam ar bhur son. Cibé easnamh a bhí ar pheannaidí Chríost táimse a dhéanamh suas i mo cholainn féin ar mhaithe lena chorpsan, is é sin, ar mhaithe leis an Eaglais.

[25]Rinneadh maor ar an Eaglais díomsa de bharr an chúraim a thug Dia dom le déanamh daoibhse, mar atá briathar Dé á fhógairt ina iomláine:

[26] o mistério que estivera oculto dos séculos e das gerações; agora, todavia, se manifestou aos seus santos;

[27] aos quais Deus quis dar a conhecer qual seja a riqueza da glória deste mistério entre os gentios, isto é, Cristo em vós, a esperança da glória;

[28] o qual nós anunciamos, advertindo a todo homem e ensinando a todo homem em toda a sabedoria, a fim de que apresentemos todo homem perfeito em Cristo;

[29] para isso é que eu também me afadigo, esforçando-me o mais possível, segundo a sua eficácia que opera eficientemente em mim.

[26]an rúndiamhair a bhí ceilte ar feadh na gcianta agus na nglún, ach atá nochta anois dá phobal naofa.

[27]Ba dheoin le Dia a nochtadh dóibhsean cad é mar shaibhreas glórmhar a thugann an rúndiamhair seo do na gintlithe, is é sin, go bhfuil Críost in bhur measc ag deimhniú na glóire daoibh.

[28]Sin é an Críost a bhímidne a fhógairt: bímid ag tabhairt comhairle agus teagaisc do chách le barr eagna, d'fhonn an uile dhuine a thabhairt chun foirfeachta i gCríost.

[29]Is chuige sin chomh maith a bhímse ag obair ar mo dhícheall leis an bhfuinneamh uaidh atá ag oibriú go tréan ionam.

Colossenses 2

O interesse de Paulo pelos colossenses

[1] Gostaria, pois, que soubésseis quão grande luta venho mantendo por vós, pelos laodicenses e por quantos não me viram face a face;

[2] para que o coração deles seja confortado e vinculado juntamente em amor, e eles tenham toda a riqueza da forte convicção do entendimento, para compreenderem plenamente o mistério de Deus, Cristo,

[3] em quem todos os tesouros da sabedoria e do conhecimento estão ocultos.

[4] Assim digo para que ninguém vos engane com raciocínios falazes.

[5] Pois, embora ausente quanto ao corpo, contudo, em espírito, estou convosco,

Colosaigh 2

Creideamh - Rabhadh

[1]Ba mhaith liom go dtuigfeadh sibh a dhéine a bhím ag coimhlint ar bhur son agus ar son mhuintir Láoidícéa agus ar son an dreama nár leag riamh súil orm.

[2]Is é atá uaim, go mbeadh misneach ar a gcroí, go mbeidís nasctha dá chéile le grá agus go dtiocfaidís chun barr cinnteachta agus tuisceana ionas go gcuirfidís eolas ar rúndiamhair Dé,

[3]is é sin, ar Chríost a bhfuil stóir uile na heagna agus an eolais i bhfolach ann.

[4]Táim á rá sin libh le heagla go gcuirfeadh duine éigin an dubh ina gheal oraibh le hargóintí mealltacha.

[5]Mar, más ea féin go bhfuilim i bhfad uaibh i bpearsa, táim faraibh sa spiorad,

alegrando-me e verificando a vossa boa ordem e a firmeza da vossa fé em Cristo.

agus is cúis áthais dom sibh a fheiceáil in ord agus in eagar, agus a dhaingne atá bhur gcreideamh i gCríost.

O desejo de Paulo pelo progresso espiritual dos colossenses

6 Ora, como recebestes Cristo Jesus, o SENHOR, assim andai nele,

6Mar sin de, ós rud é go bhfuil glactha agaibh le Íosa Críost mar Thiarna, tugaigí bhur saol i bpáirt leis.

7 nele radicados, e edificados, e confirmados na fé, tal como fostes instruídos, crescendo em ações de graças.

7Bígí préamhaithe ann agus bunaithe air agus daingean sa chreideamh faoi mar a múineadh daoibh é, agus bígí lán de bhuíochas.

A advertência contra falsos ensinos. A divindade de Cristo e a sua obra redentora

8 Cuidado que ninguém vos venha a enredar com sua filosofia e vãs sutilezas, conforme a tradição dos homens, conforme os rudimentos do mundo e não segundo Cristo;

8Bígí aireach, áfach, le heagla go mbuailfeadh aon duine bob oraibh leis an bhfealsúnacht bhaoth mhealltach úd a leanann traidisiúin dhaonna agus atá bunaithe ar phrionsabail an tsaoil in áit a bheith bunaithe ar Chríost.

9 porquanto, nele, habita, corporalmente, toda a plenitude da Divindade.

9Mar is i gCríost atá iomláine Dé ina chónaí go corpartha

10 Também, nele, estais aperfeiçoados. Ele é o cabeça de todo principado e potestade.

10agus tá sibhse tagtha chun iomláine ann. Is é ceann gach tiarnais agus údaráis é.

11 Nele, também fostes circuncidados, não por intermédio de mãos, mas no despojamento do corpo da carne, que é a circuncisão de Cristo,

11Is ann freisin a timpeallghearradh sibhse ach ní leis an timpeallghearradh a rinneadh le láimh an duine é ach le timpeallghearradh Chríost, trínar baineadh an nádúr collaí anuas díbh.

12 tendo sido sepultados, juntamente com ele, no batismo, no qual igualmente fostes ressuscitados mediante a fé no poder de Deus que o ressuscitou dentre os mortos.

12Comhadhlacadh sibh in éineacht leis sa bhaisteadh agus chomhéirigh sibh ó mhairbh in éineacht leis chomh maith as ucht an chreidimh a bhí agaibh i gcumhacht Dé a thóg ó mhairbh é.

13 E a vós outros, que estáveis mortos pelas vossas transgressões e pela incircuncisão da vossa carne, vos deu vida juntamente

13Bhí sibh marbh de dheasca bhur gcionta agus de cheal timpeallghearradh na colainne; ach d'athbheoigh [Dia] sibh i

com ele, perdoando todos os nossos delitos;

[14] tendo cancelado o escrito de dívida, que era contra nós e que constava de ordenanças, o qual nos era prejudicial, removeu-o inteiramente, encravando-o na cruz;

[15] e, despojando os principados e as potestades, publicamente os expôs ao desprezo, triunfando deles na cruz.

O cerimonialismo, sombra de coisas futuras

[16] Ninguém, pois, vos julgue por causa de comida e bebida, ou dia de festa, ou lua nova, ou sábados,

[17] porque tudo isso tem sido sombra das coisas que haviam de vir; porém o corpo é de Cristo.

[18] Ninguém se faça árbitro contra vós outros, pretextando humildade e culto dos anjos, baseando-se em visões, enfatuado, sem motivo algum, na sua mente carnal,

[19] e não retendo a cabeça, da qual todo o corpo, suprido e bem vinculado por suas juntas e ligamentos, cresce o crescimento que procede de Deus.

A obediência a tais práticas não vence o pecado

[20] Se morrestes com Cristo para os rudimentos do mundo, por que, como se vivêsseis no mundo, vos sujeitais a ordenanças:

bpáirt le Críost; mhaith sé dúinn ár gcionta uile,

[14]agus an banna scríofa úd a bhí inár gcoinne lena chuid forálacha chuir sé ar ceal é agus ghlan as an tslí é á thairneáil ar an gcrois.

[15]Lom sé na tiarnais agus na húdaráis, chuir ar taispeáint iad os comhair an tsaoil agus d'ardaigh leis iad i gcaithréim na croise.

[16]Dá chionn sin ná ligigí d'aon duine a bheith ag ordúchán oraibh faoi chúrsaí bia agus dí ná i dtaobh féilte cinn bhliana nó féilte míosúla nó laethanta sabóide.

[17]Níl sna cúrsaí sin ach scáil na nithe a bhí le teacht ach is é Críost an t-ábhar féin.

[18]Agus ná ligigí d'aon duine calaois a imirt oraibh ar scáth na huirísleachta ná adhradh na n-aingeal. Ag brath ar a bhfuil feicthe aige féin a bhíonn a leithéid siúd agus é i mborr le bród díomhaoin as a mheon saolta féin.

[19]Agus níl aon cheangal idir é agus an ceann a thugann cothú don chorp ar fad agus a shnaidhmeann le chéile é lena chuid alt agus ballnasc agus a chuireann ag fas é mar is áil le Dia.

Bás agus Aiséirí mar aon le Críost

[20]Ós rud é go bhfuil sibh básaithe mar aon le Críost agus reidh le dúile an tsaoil, cad ab áil libh bheith ag géilleadh do rialacha ar nós:

[21] não manuseies isto, não proves aquilo, não toques aquiloutro,

[22] segundo os preceitos e doutrinas dos homens? Pois que todas estas coisas, com o uso, se destroem.

[23] Tais coisas, com efeito, têm aparência de sabedoria, como culto de si mesmo, e de falsa humildade, e de rigor ascético; todavia, não têm valor algum contra a sensualidade.

[21]“Ná bain leis seo,” “Ná blais é sin,” “Ná teagmhaigh leis siúd,” amhail agus dá mbeadh sibh ag maireachtáil sa saol go fóill?

[22]Rialacha is ea iad sin a bhaineann le nithe a ídítear sa chaitheamh agus gan iontu ach orduithe agus teagasc daonna.

[23]Tá gan amhras, cuma na heagna orthu lena gcuid forchráifeachta agus uirísleachta agus cránas coirp, ach ní fiú biorán iad chun an chollaíocht a shrianadh.

Colossenses 3

A união com Cristo glorificado

[1] Portanto, se fostes ressuscitados juntamente com Cristo, buscai as coisas lá do alto, onde Cristo vive, assentado à direita de Deus.

[2] Pensai nas coisas lá do alto, não nas que são aqui da terra;

[3] porque morrestes, e a vossa vida está oculta juntamente com Cristo, em Deus.

[4] Quando Cristo, que é a nossa vida, se manifestar, então, vós também sereis manifestados com ele, em glória.

Os resultados dessa união. Os vícios devem ser abandonados

[5] Fazei, pois, morrer a vossa natureza terrena: prostituição, impureza, paixão lasciva, desejo maligno e a avareza, que é idolatria;

[6] por estas coisas é que vem a ira de Deus [sobre os filhos da desobediência].

Colosaigh 3

Dea-Iompar

[1]Agus ós rud é go bhfuil sibh éirithe ó mhairbh mar aon le Críost, bíodh lorg agaibh ar na nithe atá thuas mar a bhfuil Críost ina shuí ar dheis Dé.

[2]Bíodh bhur n-aire ar na nithe atá thuas agus ní ar na nithe atá ar talamh.

[3]Mar tá sibh tar éis bháis agus tá bhur mbeatha folaithe i nDia i bpáirt le Críost.

[4]Is é Críost bhur mbeatha, agus nuair a nochtfaidh seisean chugainn nochtfaidh sibhse chomh maith faoi ghlóir in éineacht leis.

[5]Básaigí dá bhrí sin an taobh saolta díbh féin: an drúise, an neamhghlaine, an paisean, an ainmhian agus an tsaint úd nach bhfuil inti ach íoladhradh.

[6]Is nithe iad sin a tharraingíonn fearg Dé anuas [ar dhaoine].

[7] Ora, nessas mesmas coisas andastes vós também, noutro tempo, quando vivíeis nelas.

[8] Agora, porém, despojai-vos, igualmente, de tudo isto: ira, indignação, maldade, maledicência, linguagem obscena do vosso falar.

[9] Não mintais uns aos outros, uma vez que vos despistes do velho homem com os seus feitos

[10] e vos revestistes do novo homem que se refaz para o pleno conhecimento, segundo a imagem daquele que o criou;

[11] no qual não pode haver grego nem judeu, circuncisão nem incircuncisão, bárbaro, cita, escravo, livre; porém Cristo é tudo em todos.

As virtudes devem ser cultivadas

[12] Revesti-vos, pois, como eleitos de Deus, santos e amados, de ternos afetos de misericórdia, de bondade, de humildade, de mansidão, de longanimidade.

[13] Suportai-vos uns aos outros, perdoai-vos mutuamente, caso alguém tenha motivo de queixa contra outrem. Assim como o SENHOR vos perdoou, assim também perdoai vós;

[14] acima de tudo isto, porém, esteja o amor, que é o vínculo da perfeição.

[15] Seja a paz de Cristo o árbitro em vosso coração, à qual, também, fostes chamados em um só corpo; e sede agradecidos.

[7]Bhí sibhse tugtha do na nithe sin tráth mhair sibh ina measc.

[8]Ach ní mór daoibh iad go léir a chaitheamh uaibh anois: caithigí uaibh an fhearg, an cuthach agus an mhailís; agus ná bíodh achasán ná caint ghraosta in bhur mbéal agaibh.

[9]Agus ná hinsígí bréaga dá chéile mar go bhfuil bhur sean-nádúr bainte díbh agaibh mar aon lena chuid gníomhartha

[10]agus nádúr nua curtha umaibh - nádúr a bhíonn á shíornuachan ar dheilbh an té a chruthaigh é go dtí go mbeidh fíoraithne agaibh air.

[11]Ní Giúdach ná Gréagach atá ann feasta, duine timpeallghearrtha ná duine gan timpeallghearradh, barbarach ná Scíotach, saor ná daor ach Críost amháin - Críost an Uile agus é san uile ní.

Pobal Dé

[12]Dá bhrí sin, ós sibhse an pobal tofa, pobal naofa muirneach Dé, cuirigí umaibh trua croí, cineáltas, uirísle, ceansacht agus foighne.

[13]Cuirigí suas le chéile agus cibé locht a bhíonn ag duine agaibh ar dhuine eile maithigí dá chéile é; faoi mar a mhaith an Tiarna daoibh, déanaigí-se mar an gcéanna.

[14]Agus mar bharr ar gach ní acu sin cuirigí umaibh an grá mar is é a chuirfidh bail agus críoch ar an iomlán.

[15]Agus bíodh síocháin Chríost i réim in bhur gcroí mar is chun síocháin a bheith

[16] Habite, ricamente, em vós a palavra de Cristo; instruí-vos e aconselhai-vos mutuamente em toda a sabedoria, louvando a Deus, com salmos, e hinos, e cânticos espirituais, com gratidão, em vosso coração.

[17] E tudo o que fizerdes, seja em palavra, seja em ação, fazei-o em nome do SENHOR Jesus, dando por ele graças a Deus Pai.

Os deveres da família

[18] Esposas, sede submissas ao próprio marido, como convém no SENHOR.

[19] Maridos, amai vossa esposa e não a trateis com amargura.

[20] Filhos, em tudo obedecei a vossos pais; pois fazê-lo é grato diante do SENHOR.

[21] Pais, não irriteis os vossos filhos, para que não fiquem desanimados.

[22] Servos, obedecei em tudo ao vosso senhor segundo a carne, não servindo apenas sob vigilância, visando tão-somente agradar homens, mas em singeleza de coração, temendo ao SENHOR.

[23] Tudo quanto fizerdes, fazei-o de todo o coração, como para o SENHOR e não para homens,

[24] cientes de que recebereis do SENHOR a recompensa da herança. A Cristo, o SENHOR, é que estais servindo;

agaibh a glaodh sibh le chéile in aon chorp amháin. Agus bígí buíoch.

[16]Bíodh briathar Chríost ina chónaí faoi rath in bhur measc. Déanaigí a chéile a chomhairliú agus a theagasc le barr eagna. Canaigí sailm agus iomainn agus laoithe spioradálta in ómós do Dhia agus buíochas in bhur gcroí.

[17]Agus gach ní dá ndéanann sibh le briathar nó le gníomh, déanaigí an t-iomlán in ainm an Tiarna Íosa ag gabháil buíochais le Dia an tAthair tríd.

Saol an Teaghlaigh

[18]A mhná, bígí faoi smacht bhur bhfear céile mar is dual sa Tiarna.

[19]A fheara, bíodh grá agaibh do bhur mná agus gan bheith garg leo.

[20]A leanaí, bígí umhal do bhur dtuismitheoirí i ngach ní mar is taitneamhach sin leis an Tiarna.

[21]A aithreacha, ná déanaigí bhur leanaí a chrá le heagla go gcuirfí drochmhisneach orthu.

[22]A dhaora, bígí umhal i ngach ní do bhur máistrí daonna. Ná bígí ag súilseirbhís ar nós lucht na lútála, ach ag obair le dea-chroí, le hurraim don Tiarna.

[23]Cibé rud a bhíonn sibh a dhéanamh, oibrígí le fonn faoi mar gur don Tiarna agus nach do dhaoine a bheadh sibh á dhéanamh,

[24]ó tá a fhios agaibh go bhfaighidh sibh an oidhreacht mar chúiteamh ón Tiarna; is don Tiarna Críost atá sibh ag seirbhís.

[25] pois aquele que faz injustiça receberá em troco a injustiça feita; e nisto não há acepção de pessoas.

[25]Agus cúiteofar an éagóir le fear déanta na héagóra chomh maith céanna mar níl aon leatrom [ag baint le Dia].

Colossenses 4

[1] Senhores, tratai os servos com justiça e com eqüidade, certos de que também vós tendes SENHOR no céu.

A oração e a prudência

[2] Perseverai na oração, vigiando com ações de graças.

[3] Suplicai, ao mesmo tempo, também por nós, para que Deus nos abra porta à palavra, a fim de falarmos do mistério de Cristo, pelo qual também estou algemado;

[4] para que eu o manifeste, como devo fazer.

[5] Portai-vos com sabedoria para com os que são de fora; aproveitai as oportunidades.

[6] A vossa palavra seja sempre agradável, temperada com sal, para saberdes como deveis responder a cada um.

Tíquico e Onésimo

[7] Quanto à minha situação, Tíquico, irmão amado, e fiel ministro, e conservo no SENHOR, de tudo vos informará.

[8] Eu vo-lo envio com o expresso propósito de vos dar conhecimento da nossa situação e de alentar o vosso coração.

[9] Em sua companhia, vos envio Onésimo, o fiel e amado irmão, que é do vosso meio.

Colosaigh 4

[1]A mháistrí, caithigí go cóir cothrom le bhur ndaoir. Bíodh a fhios agaibh go bhfuil máistir agaibh féin ar neamh.

[2]Bígí ag guí gan staonadh; bígí ag faire lena linn agus ag gabháil buíochais le Dia.

[3]Agus déanaigí guí orainne chomh maith, a iarraidh ar Dhia bealach a réiteach dúinn chun a bhriathar a leathadh agus chun rúndiamhair Chríost a fhógairt. Ós é an rúndiamhair sin faoi deara dom bheith i ngéibheann,

[4]guígí Dia go ndéanfaidh mé í a nochtadh chomh soiléir agus is cuí dom í a fhógairt.

[5]Bígí críonna in bhur gcaidreamh leis na díchreidmhigh agus bainigí leas iomlán as an deis atá agaibh.

[6]Bíodh bhur gcomhrá leo go suáilceach deisbhéalach i gcónaí ionas go bhféadfadh sibh an freagra pras a thabhairt do chách.

Beannachtaí

[7]Tabharfaidh an bráthair ionúin Tichíceas tuairisc iomlán daoibh ar mo chúrsaíse. Seirbhíseach dílis is ea é agus comhsclábha domsa sa Tiarna

[8]agus táim á sheoladh chugaibh d'aon ghnó chun fios mo cháis a thabhairt daoibh agus misneach a chur ar bhur gcroí.

[9]Agus beidh lena chois an bráthair dílis ionúin, Onaesamas, fear de bhur mbuíon

Eles vos farão saber tudo o que por aqui ocorre.

As saudações finais

10 Saúda-vos Aristarco, prisioneiro comigo, e Marcos, primo de Barnabé (sobre quem recebestes instruções; se ele for ter convosco, acolhei-o),

11 e Jesus, conhecido por Justo, os quais são os únicos da circuncisão que cooperam pessoalmente comigo pelo reino de Deus. Eles têm sido o meu lenitivo.

12 Saúda-vos Epafras, que é dentre vós, servo de Cristo Jesus, o qual se esforça sobremaneira, continuamente, por vós nas orações, para que vos conserveis perfeitos e plenamente convictos em toda a vontade de Deus.

13 E dele dou testemunho de que muito se preocupa por vós, pelos de Laodicéia e pelos de Hierápolis.

14 Saúda-vos Lucas, o médico amado, e também Demas.

15 Saudai os irmãos de Laodicéia, e Ninfa, e à igreja que ela hospeda em sua casa.

16 E, uma vez lida esta epístola perante vós, providenciai por que seja também lida na igreja dos laodicenses; e a dos de Laodicéia, lede-a igualmente perante vós.

féin. Inseoidh siadsan daoibh a bhfuil ag titim amach anseo.

10Cuireann mo chomhchime, Arastarchas, a bheannacht chugaibh agus Marcas, col ceathrar Bharnabas, chomh maith. Fuair sibh treoracha uaim cheana féin faoi Mharcas agus fáiltígí roimhe má thagann sé.

11Cuireann Íosa, dá ngairtear Iústas, a bheannacht chugaibh freisin. Sin iad na haon daoine de lucht an timpeallghearrtha atá ag cabhrú liom chun ríocht Dé a leathadh agus is sólás dom iad.

12Cuireann seirbhíseach Íosa Críost, Eipeafras, a bheannacht chugaibh; duine díbh féin is ea é agus bíonn sé ag guí go dúthrachtach oraibh gan stad, á iarraidh sibh a choimeád go daingean diongbháilte ag comhlíonadh toil Dé go hiomlán.

13Geallaimse daoibh gurb é atá ag obair go dian ar bhur son agus ar son mhuintir Láoidícéa agus Hiarapoil.

14Cuireann an dochtúir lách, Lúcás, agus Déamas, a mbeannacht chugaibh mar an gcéanna.

15Tugaigí mo bheannachtsa do na bráithre i Láoidícéa agus do Numfa agus don eaglais a thagann le chéile ina teach.

16Agus nuair a bheidh an litir seo léite agaibh, tugaigí do bhur n-aire go léifear in eaglais Láoidícéa í chomh maith agus go léifidh sibhse an litir a chuirfear chugaibh ó Láoidícéa.

[17] Também dizei a Arquipo: atenta para o ministério que recebeste no SENHOR, para o cumprires.

[17]Agus abraigí é seo le hAirchipeas: “Féach chuige go dtabharfaidh tú chun críche an cúram a fuair tú le déanamh sa Tiarna.”

Saudação pessoal. A bênção

[18] A saudação é de próprio punho: Paulo. Lembrai-vos das minhas algemas. A graça seja convosco.

[18]Beannacht oraibh faoi mo láimh féin - Pól. Ná déanaigí dearmad ar mo shlabhraí. Grásta go raibh agaibh.

Primeira epístola de Paulo aos Tessalonicenses

1 Tessalonicenses 1

Prefácio e saudação

[1] Paulo, Silvano e Timóteo, à igreja dos tessalonicenses em Deus Pai e no SENHOR Jesus Cristo, graça e paz a vós outros.

Ação de graças

[2] Damos, sempre, graças a Deus por todos vós, mencionando-vos em nossas orações e, sem cessar,

[3] recordando-nos, diante do nosso Deus e Pai, da operosidade da vossa fé, da abnegação do vosso amor e da firmeza da vossa esperança em nosso SENHOR Jesus Cristo,

[4] reconhecendo, irmãos, amados de Deus, a vossa eleição,

[5] porque o nosso evangelho não chegou até vós tão-somente em palavra, mas, sobretudo, em poder, no Espírito Santo e em plena convicção, assim como sabeis ter sido o nosso procedimento entre vós e por amor de vós.

[6] Com efeito, vos tornastes imitadores nossos e do SENHOR, tendo recebido a palavra, posto que em meio de muita tribulação, com alegria do Espírito Santo,

[7] de sorte que vos tornastes o modelo para todos os crentes na Macedônia e na Acaia.

[8] Porque de vós repercutiu a palavra do SENHOR não só na Macedônia e Acaia,

1 Teasalónaigh

1 Teasalónaigh 1

Beannú

[1]Pól agus Silveánas agus Tiomóid ag beannú d'eaglais na dTeasalónach, i nDia an tAthair agus sa Tiarna Íosa Críost. Grásta chugaibh agus síocháin.

Creideamh na dTeasalónach

[2]Ní stadaimid ach ag gabháil buíochais le Dia mar gheall oraibh uile agus ag cuimhneamh oraibh gan staonadh inár n-urnaithe.

[3]Cuimhnímid i láthair Dé, ár nAthair, ar a bhríomhaireacht atá bhur gcreideamh, ar a dhícheallaí atá bhur ngrá agus ar a sheasmhacht atá bhur ndóchas as ár dTiarna Íosa Críost.

[4]A bhráithre, a bhfuil gnaoi Dé oraibh, tá a fhios agaibh mar a roghnaigh sé sibh;

[5]mar ní le briathra béil amháin a tháinig ár ndea-scéal chugaibh ach le cumhacht agus le lándeimhniú an Spioraid Naoimh. Agus tá a fhios agaibhse mar a thugamar ár saol, fad a bhíomar in bhur measc, ar mhaithe libh.

[6]Agus rinne sibhse aithris orainn agus ar an Tiarna, mar d'ainneoin gach anacra ghlac sibh leis an mbriathar uainn le lúcháir an Spioraid Naoimh,

[7]sa tslí go raibh sibh mar shampla ag a bhfuil de chreidmhigh sa Mhacadóin agus in Acháia.

[8]Mar is uaibhse amach a leath briathar Dé, agus ní sa Mhacadóin agus in Acháia

mas também por toda parte se divulgou a vossa fé para com Deus, a tal ponto de não termos necessidade de acrescentar coisa alguma;

[9] pois eles mesmos, no tocante a nós, proclamam que repercussão teve o nosso ingresso no vosso meio, e como, deixando os ídolos, vos convertestes a Deus, para servirdes o Deus vivo e verdadeiro

[10] e para aguardardes dos céus o seu Filho, a quem ele ressuscitou dentre os mortos, Jesus, que nos livra da ira vindoura.

amháin é, mar tá scéal bhur gcreidimh i nDia scaipthe san uile áit, i dtreo nach gá dúinne aon ní a rá faoi.

[9]Tá na daoine féin ag cur síos ar an bhfáilte a chuir sibh romhainn agus mar a chas sibh ar Dhia ó na déithe bréige chun dul ag seirbhís don fhíorDhia beo

[10]agus chun feitheamh lena Mhac Íosa a theacht ó na flaithis - an Mac a thóg sé ó mhairbh agus atá dár bhfuascailt ón bhfearg atá le teacht.

1 Tessalonicenses 2

O proceder do apóstolo Paulo e seus cooperadores na evangelização de Tessalônica

[1] Porque vós, irmãos, sabeis, pessoalmente, que a nossa estada entre vós não se tornou infrutífera;

[2] mas, apesar de maltratados e ultrajados em Filipos, como é do vosso conhecimento, tivemos ousada confiança em nosso Deus, para vos anunciar o evangelho de Deus, em meio a muita luta.

[3] Pois a nossa exortação não procede de engano, nem de impureza, nem se baseia em dolo;

[4] pelo contrário, visto que fomos aprovados por Deus, a ponto de nos confiar ele o evangelho, assim falamos, não para que agrademos a homens, e sim a Deus, que prova o nosso coração.

[5] A verdade é que nunca usamos de linguagem de bajulação, como sabeis, nem

1 Teasalónaigh 2

Saothar Phóil i dTeasaloinicé

[1]Tá a fhios agaibh féin, a bhráithre, nárbh aon turas in aistear ár gcuairt oraibh.

[2]Bhí drochíde agus tarcaisne faighte i bhFilipí againn roimhe sin, mar is eol daoibh, ach fuaireamar de mhisneach ó Dhia a dhea-scéal a fhógairt daoibhse d'ainneoin fhreasúra láidir.

[3]Ní mearbhall aigne ná drochintinn a bhí dár spreagadh ná ní ag iarraidh daoine a mhealladh a bhíomar;

[4]ach de bhrí gurbh fhiú le Dia sinn a dhea-scéal a chur inár gcúram, craolaimid é dá réir, ní d'fhonn daoine a shásamh ach d'fhonn Dia a shásamh, mar is eisean a phromhann ár n-intinn.

[5]Agus mar is eol daoibh féin, ní dhearnamar plámás libh riamh,

de intuitos gananciosos. Deus disto é testemunha.

6 Também jamais andamos buscando glória de homens, nem de vós, nem de outros.

7 Embora pudéssemos, como enviados de Cristo, exigir de vós a nossa manutenção, todavia, nos tornamos carinhosos entre vós, qual ama que acaricia os próprios filhos;

8 assim, querendo-vos muito, estávamos prontos a oferecer-vos não somente o evangelho de Deus, mas, igualmente, a própria vida; por isso que vos tornastes muito amados de nós.

9 Porque, vos recordais, irmãos, do nosso labor e fadiga; e de como, noite e dia labutando para não vivermos à custa de nenhum de vós, vos proclamamos o evangelho de Deus.

10 Vós e Deus sois testemunhas do modo por que piedosa, justa e irrepreensivelmente procedemos em relação a vós outros, que credes.

11 E sabeis, ainda, de que maneira, como pai a seus filhos, a cada um de vós,

12 exortamos, consolamos e admoestamos, para viverdes por modo digno de Deus, que vos chama para o seu reino e glória.

O proceder fiel dos tessalonicenses nas tribulações

13 Outra razão ainda temos nós para, incessantemente, dar graças a Deus: é que, tendo vós recebido a palavra que de nós

6agus tá a fhios ag Dia nach ar scáth na sainte a bhíomar ag obair ná ag lorg molta ó dhaoine, uaibhse ná eile,

7cé go bhféadfaimis bheith teann oraibh mar thoscairí ó Chríost. Ach bhíomar chomh séimh, fad a bhíomar in bhur measc, le banaltra ag muirniú a páistí.

8Bhíomar chomh ceanúil sin oraibh go rabhamar sásta ní amháin an dea-scéal a roinnt oraibh ach ár n-anam féin a roinnt oraibh chomh maith, agus a ansa linn a bhí sibh.

9Is cuimhin libh, a bhráithre, an saothar agus an sclábhaíocht a rinneamar; mar a bhímis ag obair de lá is d'oíche ar eagla go mbeimis inár muirín ar dhuine ar bith agaibh le linn dúinn dea-scéal Dé a chraobhscaoileadh daoibh.

10Tá a fhianaise oraibh féin agus ar Dhia go rabhamar ionraic macánta neamhurchóideach libhse, a bhfuil an creideamh agaibh.

11Mar is eol daoibh, bhíomar le gach duine agaibh mar bheadh athair lena pháistí,

12do bhur spreagadh agus do bhur misniú, agus ag agairt oraibh bhur saol a thabhairt mar is dual de réir Dé atá ag glaoch oraibh isteach ina ríocht ghlórmhar féin.

13Agus tá cúis eile againn le bheith ag gabháil buíochais gan staonadh le Dia: de bhrí, nuair a ghlac sibh le briathar Dé a

ouvistes, que é de Deus, acolhestes não como palavra de homens, e sim como, em verdade é, a palavra de Deus, a qual, com efeito, está operando eficazmente em vós, os que credes.

chuala sibh uainn, nach mar theachtaireacht dhaonna a ghlac sibh é ach mar bhriathar Dé, agus sin é go díreach an rud atá ann dáiríre, mar is é Dia atá ag obair ionaibhse a bhfuil an creideamh agaibh.

14 Tanto é assim, irmãos, que vos tornastes imitadores das igrejas de Deus existentes na Judéia em Cristo Jesus; porque também padecestes, da parte dos vossos patrícios, as mesmas coisas que eles, por sua vez, sofreram dos judeus,

14Tá sibhse, a bhráithre, ag leanúint lorg eaglaisí Dé atá in Íosa Críost ar fud Iúdáia; mar tá an íde chéanna faighte agaibhse ó bhur gcomhthírigh agus a fuair siadsan ó na Giúdaigh,

15 os quais não somente mataram o SENHOR Jesus e os profetas, como também nos perseguiram, e não agradam a Deus, e são adversários de todos os homens,

15ón mbuíon chéanna a d'imir bás ar an Tiarna Íosa agus ar na fáithe agus a rinne géarleanúint orainne. Níl Dia buíoch díobh, áfach, agus is naimhde iad don chine daonna,

16 a ponto de nos impedirem de falar aos gentios para que estes sejam salvos, a fim de irem enchendo sempre a medida de seus pecados. A ira, porém, sobreveio contra eles, definitivamente.

16mar go bhfuil siad ag cur bac orainne labhairt leis na gintlithe d'fhonn is go slánofaí iad. Sa tslí sin tá siad ag cur barr ar a bhfuil de pheacaí déanta acu riamh anall; ach tá fearg Dé tagtha suas leo faoi dheireadh.

O interesse de Paulo pelos tessalonicenses

17 Ora, nós, irmãos, orfanados, por breve tempo, de vossa presença, não, porém, do coração, com tanto mais empenho diligenciamos, com grande desejo, ir ver-vos pessoalmente.

18 Por isso, quisemos ir até vós (pelo menos eu, Paulo, não somente uma vez, mas duas); contudo, Satanás nos barrou o caminho.

19 Pois quem é a nossa esperança, ou alegria, ou coroa em que exultamos, na

Fonn ar Phól na Teasalónaigh a Fheiceáil

17Maidir linn féin, a bhráithre, ní rabhamar scartha libh ach tamall beag aimsire - as raon ár súl a bhí sibh ach ní as raon ar gcroí - nuair a tháinig dúil rómhór orainn bhur ngnúis a fheiceáil arís.

18Bhí fonn orainn teacht chugaibh - ba mhian liomsa, Pól, teacht chugaibh arís agus arís eile - ach choisc Sátan orainn é.

19Tar éis an tsaoil, cén t-ábhar dóchais agus áthais atá againn ach sibhse? Cén chraobh a bheidh againn le maíomh aisti

presença de nosso SENHOR Jesus em sua vinda? Não sois vós?
[20] Sim, vós sois realmente a nossa glória e a nossa alegria!

1 Tessalonicenses 3

Paulo envia-lhes Timóteo. As boas notícias trazidas por este ao apóstolo

[1] Pelo que, não podendo suportar mais o cuidado por vós, pareceu-nos bem ficar sozinhos em Atenas;

[2] e enviamos nosso irmão Timóteo, ministro de Deus no evangelho de Cristo, para, em benefício da vossa fé, confirmar-vos e exortar-vos,

[3] a fim de que ninguém se inquiete com estas tribulações. Porque vós mesmos sabeis que estamos designados para isto;
[4] pois, quando ainda estávamos convosco, predissemos que íamos ser afligidos, o que, de fato, aconteceu e é do vosso conhecimento.

[5] Foi por isso que, já não me sendo possível continuar esperando, mandei indagar o estado da vossa fé, temendo que o Tentador vos provasse, e se tornasse inútil o nosso labor.

[6] Agora, porém, com o regresso de Timóteo, vindo do vosso meio, trazendo-nos boas notícias da vossa fé e do vosso amor, e, ainda, de que sempre guardais grata lembrança de nós, desejando muito

os comhair an Tiarna Íosa Críost, nuair a thiocfaidh sé, ach sibhse?
[20]Sea, is sibhse, go deimhin údar ár mórtais agus ár lúcháire.

1 Teasalónaigh 3

Misean Thiomóid

[1]Dá chionn sin nuair nár fhéadamar é a sheasamh a thuilleadh, shocraíomar go bhfágfaí sinn féin inár n-aonar san Aithin,
[2]agus sheolamar chugaibhse ar mbráthair Tiomóid, fear atá ina chúntóir ag Dia i bhfógairt dea-scéal Chríost. Sheolamar chugaibh é chun sibh a dhaingniú agus a neartú in bhur gcreideamh,
[3]ar shlí nach suaithfí aon duine agaibh le trioblóidí na huaire. Tá a fhios agaibh féin gurb é seo an rud atá ceaptha dúinn.

[4]Dúramar libh cheana, fad a bhíomar in bhur measc, go raibh ciapadh i ndán dúinn; rud a tharla mar is eol daoibh.

[5]Sin é an fáth nár fhéad mé é a sheasamh a thuilleadh agus ar chuir mé teachtaire ag triall oraibh ag cur tuairisc bhur gcreidimh ar eagla go mbeadh an cathaitheoir tar éis an cathú a chur oraibh agus go mbeadh ár saothar in aisce againn.
[6]Nuair a tháinig Tiomóid ar ais chugainn uaibh anois beag, áfach, is é an scéal maith a bhí aige dúinn ar bhur gcreideamh agus ar bhur ngrá. D'inis sé dúinn go mbíonn sibh ag cuimhneamh go ceanúil orainn i gcónaí agus go bhfuil sibh

ver-nos, como, aliás, também nós a vós outros,

[7] sim, irmãos, por isso, fomos consolados acerca de vós, pela vossa fé, apesar de todas as nossas privações e tribulação,

[8] porque, agora, vivemos, se é que estais firmados no SENHOR.

[9] Pois que ações de graças podemos tributar a Deus no tocante a vós outros, por toda a alegria com que nos regozijamos por vossa causa, diante do nosso Deus,

[10] orando noite e dia, com máximo empenho, para vos ver pessoalmente e reparar as deficiências da vossa fé?

Oração de Paulo pelos tessalonicenses

[11] Ora, o nosso mesmo Deus e Pai, e Jesus, nosso SENHOR, dirijam-nos o caminho até vós,

[12] e o SENHOR vos faça crescer e aumentar no amor uns para com os outros e para com todos, como também nós para convosco,

[13] a fim de que seja o vosso coração confirmado em santidade, isento de culpa, na presença de nosso Deus e Pai, na vinda de nosso SENHOR Jesus, com todos os seus santos.

1 Tessalonicenses 4

Exortação à prática da santidade

[1] Finalmente, irmãos, nós vos rogamos e exortamos no SENHOR Jesus que, como de nós recebestes, quanto à maneira por

chomh mór ag tnúth lenár bhfeiceáil agus atáimidne libhse.

[7]Mar sin de, a bhráithre, ba mhór an tógáil chroí dúinn bhur gcreideamhsa i lár ár gcuid angair agus ár gcuid anacra,

[8]mar gur beo dúinne anois nuair atá sibhse ag seasamh an fhóid go daingean sa Tiarna.

[9]Cén buíochas is féidir dúinn a ghabháil le Dia as a bhfuil de lúcháir curtha orainn agaibh os comhair ár nDé?

[10]Bímid á ghuí go dúthrachtach de lá is d'oíche go bhfeicfímid bhur ngnúis arís agus, cibé bearna atá ar bhur gcreideamh, go líonfaimid í.

[11]Go ndéana Dia, ár nAthair, agus Íosa ár dTiarna, ar mbóthar chugaibh a réiteach dúinn.

[12]Agus go ndéana an Tiarna bhur ngrá dá chéile agus do chách eile a mhéadú go fras nó go mbeidh sé ar aon chéim leis an ngrá atá againne daoibh.

[13]Agus go ndaingní sé bhur gcroíthe sa naofacht sa tslí go mbeidh siad gan cháim os comhair Dé, ár nAthair, ar theacht dár dTiarna Íosa agus a chuid naomh in éineacht leis.

1 Teasalónaigh 4

Naofacht agus Grá

[1]Rud eile de, a bhráithre, fuair sibh le fios uainne - conas ba chóir daoibh bhur saol a thabhairt chun Dia a shásamh agus tá

que deveis viver e agradar a Deus, e efetivamente estais fazendo, continueis progredindo cada vez mais;

[2] porque estais inteirados de quantas instruções vos demos da parte do SENHOR Jesus.

[3] Pois esta é a vontade de Deus: a vossa santificação, que vos abstenhais da prostituição;

[4] que cada um de vós saiba possuir o próprio corpo em santificação e honra,

[5] não com o desejo de lascívia, como os gentios que não conhecem a Deus;

[6] e que, nesta matéria, ninguém ofenda nem defraude a seu irmão; porque o SENHOR, contra todas estas coisas, como antes vos avisamos e testificamos claramente, é o vingador,

[7] porquanto Deus não nos chamou para a impureza, e sim para a santificação.

[8] Dessarte, quem rejeita estas coisas não rejeita o homem, e sim a Deus, que também vos dá o seu Espírito Santo.

Exortação à prática do amor fraternal

[9] No tocante ao amor fraternal, não há necessidade de que eu vos escreva, porquanto vós mesmos estais por Deus instruídos que deveis amar-vos uns aos outros;

[10] e, na verdade, estais praticando isso mesmo para com todos os irmãos em toda a Macedônia. Contudo, vos exortamos, irmãos, a progredirdes cada vez mais

sibh ag déanamh amhlaidh cheana. Táim á iarraidh d'achainí anois oraibh in ainm an Tiarna Íosa, déanamh níos fearr fós.

[2]Tá a fhios agaibh cad iad na treoracha a thugamar daoibh ar údarás an Tiarna Íosa.

[3]Is é is toil le Dia go mbeadh sibh naofa, go seachnódh sibh an drúis,

[4]go dtuigfeadh gach duine agaibh conas a chorp a choimeád go naofa agus faoi urraim

[5]agus gan a bheith tugtha do na paisin ainrianta ar nós na bpágánach nach bhfuil aon aithne ar Dhia acu;

[6]gan éagóir ná calaois a dhéanamh ar bhráthair i gcúis dlí, mar go n-agraíonn an Tiarna na nithe sin uile ar dhaoine faoi mar a dúramar agus mar a dhearbhaíomar daoibh cheana.

[7]Ní chun na neamhghlaine a ghlaoigh Dia sinn ach chun na naofachta.

[8]Más ea, an té a dhiúltaíonn don teagasc seo, ní do dhaoine a dhiúltaíonn sé ach do Dhia a thugann a Naomh-Spiorad daoibh.

[9]Maidir leis an ngrá bráthar ní gá aon ní a scríobh chugaibh ina thaobh mar go bhfuil teagasc faighte agaibh féin ó Dhia i dtaobh grá a thabhairt dá chéile.

[10]Sin é go díreach atá á dhéanamh agaibh do na bráithre uile ar fud na Macadóine. Ach táimidne á iarraidh oraibh, a bhráithre, déanamh níos fearr fós,

[11] e a diligenciardes por viver tranqüilamente, cuidar do que é vosso e trabalhar com as próprias mãos, como vos ordenamos;

[12] de modo que vos porteis com dignidade para com os de fora e de nada venhais a precisar.

A situação dos mortos em Cristo e a vinda do Senhor

[13] Não queremos, porém, irmãos, que sejais ignorantes com respeito aos que dormem, para não vos entristecerdes como os demais, que não têm esperança.

[14] Pois, se cremos que Jesus morreu e ressuscitou, assim também Deus, mediante Jesus, trará, em sua companhia, os que dormem.

[15] Ora, ainda vos declaramos, por palavra do SENHOR, isto: nós, os vivos, os que ficarmos até à vinda do SENHOR, de modo algum precederemos os que dormem.

[16] Porquanto o SENHOR mesmo, dada a sua palavra de ordem, ouvida a voz do arcanjo, e ressoada a trombeta de Deus, descerá dos céus, e os mortos em Cristo ressuscitarão primeiro;

[17] depois, nós, os vivos, os que ficarmos, seremos arrebatados juntamente com eles, entre nuvens, para o encontro do SENHOR nos ares, e, assim, estaremos para sempre com o SENHOR.

[18] Consolai-vos, pois, uns aos outros com estas palavras.

[11]agus é bheith ina aidhm agaibh saol suaimhneach a chaitheamh, bhur ngnó féin a dhéanamh agus oibriú le bhur lámha féin de réir mar a dúramar libh cheana.

[12]Sa tslí sin beidh meas ag na díchreidmhigh oraibh agus ní bheidh sibh ag brath ar dhuine ar bith.

Téarnamh an Tiarna Íosa

[13]Níor mhaith liom, a bhráithre, go mbeadh sibh aineolach i dtaobh na marbh i dtreo nach mbeadh sibh dobrónach ar nós na ndaoine eile atá gan aon dóchas.

[14]Creidimid go bhfuair Íosa bás agus gur aiséirigh sé; ar an gcuma chéanna an mhuintir a fuair bás i bpáirt le Críost, tabharfaidh Dia iad siúd leis ón mbas chomh maith.

[15]Agus tá an méid seo le rá againn libh ar fhocal an Tiarna féin: an méid a fhágfar beo dínn go dtí teacht an Tiarna, ní bheidh aon bhuntáiste againn orthu sin a bheidh tar éis bháis:

[16]mar nuair a thabharfar an fógra le glór an ardaingil agus le trumpa Dé, tiocfaidh an Tiarna féin anuas ó neamh agus ar dtús éireoidh na mairbh i gCríost.

[17]Ansin an méid a bheidh fágtha beo dínn, ardófar chun siúil sinn mar aon leo trí na néalta in airicis an Tiarna sa spéir, agus ar an gcuma sin beimid i dteannta an Tiarna go deo.

[18]Déanaigí a chéile a mhisniú, más ea, leis na briathra sin.

1 Tessalonicenses 5

A vinda do Senhor é certa e repentina

[1] Irmãos, relativamente aos tempos e às épocas, não há necessidade de que eu vos escreva;

[2] pois vós mesmos estais inteirados com precisão de que o Dia do SENHOR vem como ladrão de noite.

[3] Quando andarem dizendo: Paz e segurança, eis que lhes sobrevirá repentina destruição, como vêm as dores de parto à que está para dar à luz; e de nenhum modo escaparão.

A necessidade de vigilância

[4] Mas vós, irmãos, não estais em trevas, para que esse Dia como ladrão vos apanhe de surpresa;

[5] porquanto vós todos sois filhos da luz e filhos do dia; nós não somos da noite, nem das trevas.

[6] Assim, pois, não durmamos como os demais; pelo contrário, vigiemos e sejamos sóbrios.

[7] Ora, os que dormem dormem de noite, e os que se embriagam é de noite que se embriagam.

[8] Nós, porém, que somos do dia, sejamos sóbrios, revestindo-nos da couraça da fé e do amor e tomando como capacete a esperança da salvação;

[9] porque Deus não nos destinou para a ira, mas para alcançar a salvação mediante nosso SENHOR Jesus Cristo,

1 Teasalónaigh 5

[1]Maidir le hamanna agus uaineacha, a bhráithre, ní gá scríobh chugaibh ina dtaobh.

[2]Tá a fhios agaibh féin go beacht gur mar a bheadh bithiúnach san oíche a thiocfaidh an Lá úd an Tiarna.

[3]Nuair a bheidh daoine á rá: “Táthar slán sábháilte,” ansin gan choinne is ea a thiocfaidh an tubaiste, mar a thagann an tinneas ar bhean atá trom, agus ní bheidh aon éalú acu uaithi.

[4]Ní sa dorchacht atá sibhse, áfach, a bhráithre, go dtiocfadh an lá úd aniar aduaidh oraibh mar a bheadh bithiúnach.

[5]Is clann an tsolais sibhse go huile, clann an lae. Ní leis an oíche ná leis an dorchacht sinn.

[6]Ná bímis inár gcodladh, dá bhrí sin, ar nós daoine eile, ach bímis inár ndúiseacht agus ar ár gciall.

[7]Istoíche is ea a chodlaíonn na codlatánaigh agus istoíche a bhíonn na meisceoirí ar meisce.

[8]Ach ós den lá sinne, fanaimis ar ár gciall; cuirimis umainn an creideamh agus an grá mar lúireach agus dóchas ár slánaithe mar chafarr.

[9]Ní hí an fhearg atá ceaptha dúinn ag Dia ach go mbainfimis ár slánú amach trínár dTiarna Íosa Críost,

[10] que morreu por nós para que, quer vigiemos, quer durmamos, vivamos em união com ele.

[11] Consolai-vos, pois, uns aos outros e edificai-vos reciprocamente, como também estais fazendo.

Diversos preceitos

[12] Agora, vos rogamos, irmãos, que acateis com apreço os que trabalham entre vós e os que vos presidem no SENHOR e vos admoestam;

[13] e que os tenhais com amor em máxima consideração, por causa do trabalho que realizam. Vivei em paz uns com os outros.

[14] Exortamo-vos, também, irmãos, a que admoesteis os insubmissos, consoleis os desanimados, ampareis os fracos e sejais longânimos para com todos.

[15] Evitai que alguém retribua a outrem mal por mal; pelo contrário, segui sempre o bem entre vós e para com todos.

[16] Regozijai-vos sempre.

[17] Orai sem cessar.

[18] Em tudo, dai graças, porque esta é a vontade de Deus em Cristo Jesus para convosco.

[19] Não apagueis o Espírito.

[20] Não desprezeis as profecias;

[21] julgai todas as coisas, retende o que é bom;

[22] abstende-vos de toda forma de mal.

O voto do apóstolo

[10]a fuair bás ar ár son chun go mbeimis beo ina theannta, cibé acu beo nó marbh dúinn.

[11]Dá bhrí sin, leanaigí ag spreagadh a chéile agus ag treisiú le chéile faoi mar atá sibh a dhéanamh cheana.

Comhairle Dheireanach

[12]Iarraimid oraibh, a bhráithre, ómós a thabhairt dóibh siúd atá ag saothrú go dian in bhur measc agus atá do bhur stiúradh in ainm an Tiarna agus atá ag tabhairt comhairle daoibh.

[13]Bíodh meas agus cion as cuimse agaibh orthu mar gheall ar a gcuid oibre.

[14]Mairigí le chéile go síochánta. Impímid oraibh, a bhráithre, foláireamh a thabhairt do na daoine neamhchúiseacha, na daoine faiteacha a spreagadh, cabhrú leis na laga agus bheith foighneach le cách uile.

[15]Féachaigí chuige nach ndéanfaidh aon duine agaibh an t-olc in aghaidh an oilc. Cuirigí romhaibh an mhaith a dhéanamh i gcónaí dá chéile agus do chách eile.

[16]Bíodh lúcháir oraibh i gcónaí.

[17]Bígí ag guí gan staonadh

[18]agus ag gabháil buíochais as gach ní; sin é an ní is áil le Dia uaibh in Íosa Críost.

[19]Ná múchaigí an Spiorad;

[20]ná déanaigí neamhshuim de na ráite fáidhiúla.

[21]Déanaigí gach ní a thástáil; cloígí leis an maith

[22]agus seachnaígí gach aon sórt oilc.

[23] O mesmo Deus da paz vos santifique em tudo; e o vosso espírito, alma e corpo sejam conservados íntegros e irrepreensíveis na vinda de nosso SENHOR Jesus Cristo.

[24] Fiel é o que vos chama, o qual também o fará.

A saudação final e a bênção

[25] Irmãos, orai por nós.

[26] Saudai todos os irmãos com ósculo santo.

[27] Conjuro-vos, pelo SENHOR, que esta epístola seja lida a todos os irmãos.

[28] A graça de nosso SENHOR Jesus Cristo seja convosco.

[23]Go ndéana Dia na síochána féin, sibh a naomhú go smior; agus go gcoimeádtar slán gan locht sibh idir spiorad agus anam agus chorp i gcomhair theacht ár dTiarna Íosa Críost.

[24]Mar is intaofa an té úd atá ag glaoch oraibh agus déanfaidh sé é sin.

[25]A bhráithre, bígí ag guí orainne chomh maith.

[26]Beannaígí do na bráithre uile leis an bpóg naofa.

[27]Cuirim oraibh as ucht an Tiarna an litir seo a léamh do na bráithre uile.

[28]Grásta ár dTiarna Íosa Críost go raibh agaibh.

Segunda epístola de Paulo aos Tessalonicenses	2 Teasalónaigh

2 Tessalonicenses 1

Prefácio e saudação

[1] Paulo, Silvano e Timóteo, à igreja dos tessalonicenses, em Deus, nosso Pai, e no SENHOR Jesus Cristo,

[2] graça e paz a vós outros, da parte de Deus Pai e do SENHOR Jesus Cristo.

Ação de graças

[3] Irmãos, cumpre-nos dar sempre graças a Deus no tocante a vós outros, como é justo, pois a vossa fé cresce sobremaneira, e o vosso mútuo amor de uns para com os outros vai aumentando,

[4] a tal ponto que nós mesmos nos gloriamos de vós nas igrejas de Deus, à vista da vossa constância e fé, em todas as vossas perseguições e nas tribulações que suportais,

[5] sinal evidente do reto juízo de Deus, para que sejais considerados dignos do reino de Deus, pelo qual, com efeito, estais sofrendo;

[6] se, de fato, é justo para com Deus que ele dê em paga tribulação aos que vos atribulam

[7] e a vós outros, que sois atribulados, alívio juntamente conosco, quando do céu se manifestar o SENHOR Jesus com os anjos do seu poder,

2 Teasalónaigh 1

Beannú

[1]Pól agus Silveánas agus Tiomóid ag beannú d'eaglais na dTeasalónach i nDia ár nAthair agus sa Tiarna Íosa Críost.

[2]Grásta chugaibh agus síocháin ó Dhia an tAthair agus ón Tiarna Íosa Críost.

Buíochas

[3]Tá sé d'fhiacha orainn bheith ag gabháil buíochais gan stad le Dia mar gheall oraibh, a bhráithre, agus níl ann ach an ceart, mar tá bhur gcreideamh ag fás thar na bearta agus bhur ngrá dá chéile, gach duine agaibh, ag dul i méid.

[4]Go deimhin, bímid féin ag maíomh asaibh in eaglaisí Dé, mar gheall ar bhur seasmhacht agus ar bhur gcreideamh ainneoin a bhfuil de ghéarleanúintí agus de thrioblóidí le fulaingt againn.

[5]Is léiriú é sin ar bhreithiúnas cothrom Dé, mar is é a thiocfaidh as go mbeidh sibhse i dteideal ríocht Dé a bhaint amach toisc sibh a bheith ag fulaingt ar a son;

[6]agus ar an gcuma chéanna níl ann ach an ceart go ndéanfadh Dia a ndíol féin den leatrom a thabhairt dóibh siúd atá ag déanamh leatroim oraibhse

[7]agus faoiseamh ón leatrom a thabhairt daoibhse agus dúinne araon, rud a dhéanfaidh sé nuair a nochtfaidh an Tiarna Íosa ó neamh chugainn agus a aingil chumhachtacha lena chois.

[8] em chama de fogo, tomando vingança contra os que não conhecem a Deus e contra os que não obedecem ao evangelho de nosso SENHOR Jesus.

[9] Estes sofrerão penalidade de eterna destruição, banidos da face do SENHOR e da glória do seu poder,

[10] quando vier para ser glorificado nos seus santos e ser admirado em todos os que creram, naquele dia (porquanto foi crido entre vós o nosso testemunho).

[11] Por isso, também não cessamos de orar por vós, para que o nosso Deus vos torne dignos da sua vocação e cumpra com poder todo propósito de bondade e obra de fé,

[12] a fim de que o nome de nosso SENHOR Jesus seja glorificado em vós, e vós, nele, segundo a graça do nosso Deus e do SENHOR Jesus Cristo.

[8]Tiocfaidh sé i gcaoraíl tine ag agairt díoltais orthu siúd nach bhfuil aithne ar Dhia acu agus nach ngéilleann do dhea-scéal ár dTiarna Íosa.

[9]Gearrfar mar phionós orthu bascadh síoraí i bhfad ó ghnúis an Tiarna agus ó ghlóir a chumhachta,

[10]an lá úd nuair a thiocfaidh sé chun bheith faoi ghradam i measc a phobail naofa agus faoi mheas ag a gcreideann ann mar gur creideadh an fhianaise a thugamarna daoibh.

[11]Sin é an fáth nach stadaimid ach ag guí oraibh le hionchas go ndéanfadh ár nDia diongbháilte ar bhur ngairm sibh agus go dtabharfadh sé chun críche go héifeachtach gach fonn maitheasa atá oraibh agus gach dea-ghníomh dá spreagann an creideamh ionaibh.

[12]Sa tslí sin beidh moladh agaibh ar ainm ár dTiarna Íosa agus beidh moladh aigesan oraibh trí ghrásta ár nDé agus an Tiarna Íosa Críost.

2 Tessalonicenses 2

A vinda do Senhor. A revelação da apostasia. O homem da iniquidade

[1] Irmãos, no que diz respeito à vinda de nosso SENHOR Jesus Cristo e à nossa reunião com ele, nós vos exortamos

[2] a que não vos demovais da vossa mente, com facilidade, nem vos perturbeis, quer por espírito, quer por palavra, quer por epístola, como se procedesse de nós, supondo tenha chegado o Dia do SENHOR.

2 Teasalónaigh 2

An Mac Mallachta

[1]Maidir le téarnamh ár dTiarna Íosa Críost agus lenár mbailiú le chéile ina airicis, impímid oraibh, a bhráithre,

[2]gan bheith suaite go héasca in bhur n-aigne ná scéin a ghlacadh ó spiorad nó ó scéal nó litir a cuireadh síos domsa, mar dhea go bhfuil lá an Tiarna tagtha cheana féin.

[3] Ninguém, de nenhum modo, vos engane, porque isto não acontecerá sem que primeiro venha a apostasia e seja revelado o homem da iniqüidade, o filho da perdição,

[3]Ná mealladh aon duine sibh ar aon tsli, mar ní foláir don cheannairc teacht ar dtús, agus ní foláir d'fhear an oilc é féin a nochtadh - is é sin mac an léirscriosta,

[4] o qual se opõe e se levanta contra tudo que se chama Deus ou é objeto de culto, a ponto de assentar-se no santuário de Deus, ostentando-se como se fosse o próprio Deus.

[4]an t-áibhirseoir a ardaíonn é féin os cionn gach neach atá in ainm bheith ina Dhia nó ina dhíol ómóis, go dtí go suíonn sé faoi i dteampall Dé agus é a mhaíomh gur Dia é féin.

[5] Não vos recordais de que, ainda convosco, eu costumava dizer-vos estas coisas?

[5]Nach cuimhin libh mé á rá sin libh agus mé fós in bhur measc?

[6] E, agora, sabeis o que o detém, para que ele seja revelado somente em ocasião própria.

[6]Agus tá a fhios agaibh anois cad atá á choinneáil gan a nochtadh nó go mbeidh a ionú ann.

O caráter do homem da iniquidade e a sua derrota

[7] Com efeito, o mistério da iniqüidade já opera e aguarda somente que seja afastado aquele que agora o detém;

[7]Tá cumhacht dhiamhair an oilc ag obair cheana féin agus gan í ach ag fanacht go dtógfar as an tslí an té úd atá á cosc.

[8] então, será, de fato, revelado o iníquo, a quem o SENHOR Jesus matará com o sopro de sua boca e o destruirá pela manifestação de sua vinda.

[8]Agus ansin taispeánfaidh an mac mallachta é féin, ach déanfaidh an Tiarna Íosa é a bhascadh le hanáil a bhéil agus díothóidh é le niamhracht a theachta.

[9] Ora, o aparecimento do iníquo é segundo a eficácia de Satanás, com todo poder, e sinais, e prodígios da mentira,

[9]Faoi mar is dual do ghníomhaireacht Shátain, tiocfaidh [an mac mallachta] faoi lánchumhacht, le comharthaí agus le fearta bréige,

[10] e com todo engano de injustiça aos que perecem, porque não acolheram o amor da verdade para serem salvos.

[10]agus le teann urchóide cuirfidh sé cluain orthu siúd atá ar bhealach a n-aimhleasa, de bhrí nach nglacfaidís leis an ngrá don fhírinne a chuirfeadh ar láimh shábháilte iad.

[11] É por este motivo, pois, que Deus lhes manda a operação do erro, para darem crédito à mentira,
[12] a fim de serem julgados todos quantos não deram crédito à verdade; antes, pelo contrário, deleitaram-se com a injustiça.

Ação de graças e exortação

[13] Entretanto, devemos sempre dar graças a Deus por vós, irmãos amados pelo SENHOR, porque Deus vos escolheu desde o princípio para a salvação, pela santificação do Espírito e fé na verdade,

[14] para o que também vos chamou mediante o nosso evangelho, para alcançardes a glória de nosso SENHOR Jesus Cristo.
[15] Assim, pois, irmãos, permanecei firmes e guardai as tradições que vos foram ensinadas, seja por palavra, seja por epístola nossa.
[16] Ora, nosso SENHOR Jesus Cristo mesmo e Deus, o nosso Pai, que nos amou e nos deu eterna consolação e boa esperança, pela graça,
[17] consolem o vosso coração e vos confirmem em toda boa obra e boa palavra.

2 Tessalonicenses 3

Paulo pede as orações dos tessalonicenses

[1] Finalmente, irmãos, orai por nós, para que a palavra do SENHOR se propague e seja glorificada, como também está acontecendo entre vós;

[11]Agus sin é an fáth a gcuireann Dia an mearbhall ag obair orthu sa tslí go gcreideann siad an t-éitheach.
[12]Dá réir sin, gach duine acu nár ghéill don fhírinne ach gurb é an t-olc is áil leis, daorfar é.

Tá an Slánú in Áirithe

[13]Tá sé d'fhiacha orainne bheith ag gabháil buíochais le Dia gan stad mar gheall oraibh, a bhráithre, a bhfuil gnaoi an Tiarna oraibh, de bhrí gur roghnaigh Dia ó thús sibh chun go slánófaí sibh trí naomhú ón Spiorad agus trí chreidiúint san fhírinne.
[14]Is é fáth ar ghlaoigh sé oraibh tríd an dea-scéal seo againne, chun go mbainfeadh sibh amach daoibh féin glóir ár dTiarna Íosa Críost.
[15]Seasaigí an fód go daingean dá bhrí sin, a bhráithre, agus coinnigí an teagasc a d'fhoghlaim sibh uainne le briathar béil nó trí bhíthin litreach.
[16]Agus go gcuire Íosa Críost féin ár dTiarna agus Dia ár nAthair, a thug grá dúinn agus a bhronn orainn in aisce sólás síoraí agus dóchas daingean,
[17]go gcuire siad sólás croí oraibh agus go dtreisí siad libh i ngach gníomh agus briathar fónta.

2 Teasalónaigh 3

Guígí Orainn

[1]Mar fhocal scoir, a bhráithre, bígí ag guí orainne, le súil go leathfadh scéala an Tiarna go luath agus go mbeadh meas air faoi mar tharla agaibh féin.

[2] e para que sejamos livres dos homens perversos e maus; porque a fé não é de todos.

[3] Todavia, o SENHOR é fiel; ele vos confirmará e guardará do Maligno.

[4] Nós também temos confiança em vós no SENHOR, de que não só estais praticando as coisas que vos ordenamos, como também continuareis a fazê-las.

[5] Ora, o SENHOR conduza o vosso coração ao amor de Deus e à constância de Cristo.

Exortação à prática de vários deveres cristãos pessoais, sociais e coletivos

[6] Nós vos ordenamos, irmãos, em nome do SENHOR Jesus Cristo, que vos aparteis de todo irmão que ande desordenadamente e não segundo a tradição que de nós recebestes;

[7] pois vós mesmos estais cientes do modo por que vos convém imitar-nos, visto que nunca nos portamos desordenadamente entre vós,

[8] nem jamais comemos pão à custa de outrem; pelo contrário, em labor e fadiga, de noite e de dia, trabalhamos, a fim de não sermos pesados a nenhum de vós;

[9] não porque não tivéssemos esse direito, mas por termos em vista oferecer-vos exemplo em nós mesmos, para nos imitardes.

[10] Porque, quando ainda convosco, vos ordenamos isto: se alguém não quer trabalhar, também não coma.

[2]Agus bígí ag guí chomh maith go saorfar sinne ó dhrochdhaoine mallaithe, mar ní hé gach duine a bhfuil an creideamh acu.

[3]Ach tá an Tiarna dílis agus treiseoidh sé libh agus cosnóidh sé ar an olc sibh.

[4]Táimid cinnte de sa Tiarna go bhfuil sibh ag déanamh rud orainn cheana agus go leanfaidh sibh á dhéanamh.

[5]Go stiúra an Tiarna bhur gcroí ar ghrá Dé agus ar sheasmhacht Chríost.

Ná Caith do Shaol Díomhaoin

[6]Táim ag tabhairt foláirimh daoibh, a bhráithre, in ainm ár dTiarna Íosa Críost, fanacht amach ó bhráthair ar bith a chaitheann a shaol díomhaoin agus nach leanann an treoir a fuair sibh uainne.

[7]Tá a fhios agaibh féin cad atá agaibh le déanamh chun aithris a dhéanamh orainne. Ní raibh aon díomhaointeas orainne fad a bhíomar in bhur measc,

[8]ná níor ghlacamar cothú in aisce ó dhuine ar bith. Is amhlaidh a bhímis ag obair le dua agus saothar, de lá is d'oíche, ar shlí nach mbeimis inár muirín ar dhuine ar bith agaibh.

[9]Ní hé nach bhfuilimid i dteideal ár gcoda ach d'fhonn sampla a thabhairt daoibhse chun go leanfadh sibh ár lorg.

[10]Go deimhin nuair a bhíomar in bhur measc, seo é an foláireamh a thugaimis daoibh: “An té nach bhfuil fonn oibre air, ná caitheadh sé bia ach oiread.”

[11] Pois, de fato, estamos informados de que, entre vós, há pessoas que andam desordenadamente, não trabalhando; antes, se intrometem na vida alheia.

[12] A elas, porém, determinamos e exortamos, no SENHOR Jesus Cristo, que, trabalhando tranqüilamente, comam o seu próprio pão.

[13] E vós, irmãos, não vos canseis de fazer o bem.

[14] Caso alguém não preste obediência à nossa palavra dada por esta epístola, notai-o; nem vos associeis com ele, para que fique envergonhado.

[15] Todavia, não o considereis por inimigo, mas adverti-o como irmão.

[16] Ora, o SENHOR da paz, ele mesmo, vos dê continuamente a paz em todas as circunstâncias. O SENHOR seja com todos vós.

A saudação final e a bênção

[17] A saudação é de próprio punho: Paulo. Este é o sinal em cada epístola; assim é que eu assino.

[18] A graça de nosso SENHOR Jesus Cristo seja com todos vós.

[11]Tá sé á chloisteáil againn go bhfuil daoine áirithe oraibh a chaitheann a saol go díomhaoin, gan aon ní acu á dhéanamh ach a ladar a chur i ngnó daoine eile.

[12]Táimid ag tabhairt foláirimh dá leithéidí sin agus ag moladh dóibh in ainm an Tiarna Íosa Críost, bheith ag obair go ciúin dóibh féin agus a gcuid bia féin a ithe.

[13]I dtaca libhse de, áfach, a bhráithre, ná héirígí cortha go deo den mhaith a dhéanamh.

[14]Duine ar bith nach ngéilleann do theachtaireacht na litreach seo againn, tugaigí suntas dó agus ná bíodh caidreamh ar bith agaibh leis ionas go dtiocfadh náire air.

[15]Ná tugaigí meas namhad air, áfach, ach é a cheartú mar a cheartófaí dearthair.

[16]Tiarna na síochána é féin go dtuga sé síocháin daoibh gach uair agus gach slí. Go raibh an Tiarna libh go léir.

[17]Beannacht oraibh uaimse Pól faoi mo láimh féin. Sin é an síniú a chuirim ar gach litir de mo chuid; is mar sin a scríobhaim.

[18]Grásta ár dTiarna Íosa Críost agaibh go léir.

Primeira epístola de Paulo a Timóteo	1 Tiomóid

1 Timóteo 1

Prefácio e saudação

[1] Paulo, apóstolo de Cristo Jesus, pelo mandato de Deus, nosso Salvador, e de Cristo Jesus, nossa esperança,

[2] a Timóteo, verdadeiro filho na fé, graça, misericórdia e paz, da parte de Deus Pai e de Cristo Jesus, nosso SENHOR.

O ministério de Timóteo em Éfeso. Falsas doutrinas e suas características

[3] Quando eu estava de viagem, rumo da Macedônia, te roguei permanecesses ainda em Éfeso para admoestares a certas pessoas, a fim de que não ensinem outra doutrina,

[4] nem se ocupem com fábulas e genealogias sem fim, que, antes, promovem discussões do que o serviço de Deus, na fé.

[5] Ora, o intuito da presente admoestação visa ao amor que procede de coração puro, e de consciência boa, e de fé sem hipocrisia.

[6] Desviando-se algumas pessoas destas coisas, perderam-se em loquacidade frívola,

[7] pretendendo passar por mestres da lei, não compreendendo, todavia, nem o que dizem, nem os assuntos sobre os quais fazem ousadas asseverações.

A lei e os seus objetivos

1 Tiomóid 1

[1]Mise Pól, aspal Chríost Íosa ar ordú ó Dhia ár slánaitheoir agus ó Chríost Íosa ár ndóchas.

[2]Guím grásta agus trócaire agus síocháin ó Dhia an tAthair agus ónár dTiarna Íosa Críost ar Thiomóid mo mhac dílis sa chreideamh.

Seachain an Teagasc Bréige

[3]Faoi mar a d'iarr mé ort cheana agus mé ag cur chun bóthair go dtí an Mhacadóin, iarraim arís ort fanacht in Eifeasas go fóill chun a fhógairt ar dhaoine áirithe ann gan bheith ag tabhairt saobhtheagaisc uathu,

[4]agus gan bheith tugtha d'fhabhalscéalta agus do ghinealaigh gan teorainn, mar gur nithe iad sin a chothaíonn conspóidí in ionad beartas Dé a chur chun cinn, beartas atá bunaithe ar chreideamh.

[5]Níl de chuspóir ag an bhfoláireamh seo ach an grá a mhúscailt a thagann as an gcroí glan, as an gcoinsias maith agus as an gcreideamh gan chluain.

[6]Tá daoine ann a chlaon ó na nithe sin agus a d'iompaigh ar an mbaothchaint;

[7]is áil leo bheith ina saineolaithe ar an dlí ach iad gan aon tuiscint acu ar a mbíonn siad a rá ná ar na tuairimí a mbíonn siad chomh teann ina dtaobh.

[8] Sabemos, porém, que a lei é boa, se alguém dela se utiliza de modo legítimo,

[9] tendo em vista que não se promulga lei para quem é justo, mas para transgressores e rebeldes, irreverentes e pecadores, ímpios e profanos, parricidas e matricidas, homicidas,

[10] impuros, sodomitas, raptores de homens, mentirosos, perjuros e para tudo quanto se opõe à sã doutrina,

[11] segundo o evangelho da glória do Deus bendito, do qual fui encarregado.

A graça e a sua eficácia na experiência do apóstolo Paulo

[12] Sou grato para com aquele que me fortaleceu, Cristo Jesus, nosso SENHOR, que me considerou fiel, designando-me para o ministério,

[13] a mim, que, noutro tempo, era blasfemo, e perseguidor, e insolente. Mas obtive misericórdia, pois o fiz na ignorância, na incredulidade.

[14] Transbordou, porém, a graça de nosso SENHOR com a fé e o amor que há em Cristo Jesus.

[15] Fiel é a palavra e digna de toda aceitação: que Cristo Jesus veio ao mundo para salvar os pecadores, dos quais eu sou o principal.

[16] Mas, por esta mesma razão, me foi concedida misericórdia, para que, em

[8]Tá a fhios againn gur rud fónta an dlí, an té a bhainfeadh feidhm dhleathach as

[9]agus a thuigfeadh nach don duine fíréanta a dhéantar dlí ach do choirpigh agus do dhaoine ainrialta, d'éagráifigh agus do pheacaigh, do mhallaitheoirí agus do lucht an oilc, do lucht fionaíola athar is máthar agus do dhúnmharfóirí,

[10]do lucht drúise agus lucht sodamachta agus lucht fuadaigh, do lucht na mbréag agus na mionn éithigh - dóibh sin uile a dhéanann aon ní eile bunoscionn le teagasc folláin

[11]atá de réir an dea-scéil ghlórmhair úd ón Dia beannaithe a fágadh faoi mo chúramsa.

Buíochas

[12]Gabhaim buíochas lenár dTiarna Íosa Críost a thug mo chumas dom, de bhrí go raibh oiread iontaoibhe aige asam agus gur cheap sé mé i mo sheirbhíseach dó,

[13]cé go mbínn á mhaslú agus á ghéarleanúint agus ag tabhairt easmailte dó roimhe sin. Ach rinne sé trócaire orm toisc gur le corp aineolais agus díchreidimh a rinne mé amhlaidh.

[14]Tháinig rabharta de ghrásta ár dTiarna chugam agus den chreideamh agus den ghrá atá i gCríost Íosa.

[15]Is barántúil agus is iontaofa go hiomlán an ráiteas é gur tháinig Críost Íosa ar an saol chun peacaigh a shlánú. Táim féin ar an bpeacach is mó orthu,

[16]agus is é fáth a ndearnadh trócaire ormsa, an peacach is mó, chun go

mim, o principal, evidenciasse Jesus Cristo a sua completa longanimidade, e servisse eu de modelo a quantos hão de crer nele para a vida eterna.

dtaispeánfadh Íosa Críost a fhoighne gan teorainn i mo chás-sa ar dtús agus go mbeinn i m'eiseamláir dóibh sin a chreidfeadh ann ar ball agus a bhainfeadh amach an bheatha shíoraí.

[17] Assim, ao Rei eterno, imortal, invisível, Deus único, honra e glória pelos séculos dos séculos. Amém!

[17]Moladh agus glóir do rí na n-aoiseanna, don aon Dia dofheicthe síoraí, trí shaol na saol. Amen.

O bom combate

[18] Este é o dever de que te encarrego, ó filho Timóteo, segundo as profecias de que antecipadamente foste objeto: combate, firmado nelas, o bom combate,

[18]Táim ag tabhairt an fholáirimh seo duit, a Thiomóid, a mhic, foláireamh atá ag teacht leis an bhfaisnéis a thug na fáithe ort fadó, le hionchas go gcuirfeá an cath go cróga dá réir sin.

[19] mantendo fé e boa consciência, porquanto alguns, tendo rejeitado a boa consciência, vieram a naufragar na fé.

[19]Coinnigh an creideamh agus an coinsias glan agat. Mar tá daoine ann a thug cúl lena gcoinsias agus a chuir a gcreideamh ó rath.

[20] E dentre esses se contam Himeneu e Alexandre, os quais entreguei a Satanás, para serem castigados, a fim de não mais blasfemarem.

[20]Orthusan tá Himinéas agus Alastar, beirt a thug mé suas do Shátan le súil go múinfí gan Dia a aithisiú.

1 Timóteo 2

A prática da oração por todos os homens. Um só Mediador

[1] Antes de tudo, pois, exorto que se use a prática de súplicas, orações, intercessões, ações de graças, em favor de todos os homens,

[2] em favor dos reis e de todos os que se acham investidos de autoridade, para que vivamos vida tranqüila e mansa, com toda piedade e respeito.

[3] Isto é bom e aceitável diante de Deus, nosso Salvador,

1 Tiomóid 2

Treoir faoin Urnaí

[1]Ar an ábhar sin, impím ort sa chéad áit go ndéanfaí urnaithe agus achainíocha agus iarratais agus altú ar son an uile dhuine, agus go háirithe ar son ríthe agus an lucht ceannais uile,

[2]le súil go bhféadfaimis ár saol a thabhairt go diaganta cráifeach faoi shuaimhneas agus faoi shíocháin.

[3]Is maith agus is taitneamhach sin le Dia ár slánaitheoir.

[4] o qual deseja que todos os homens sejam salvos e cheguem ao pleno conhecimento da verdade.

[5] Porquanto há um só Deus e um só Mediador entre Deus e os homens, Cristo Jesus, homem,

[6] o qual a si mesmo se deu em resgate por todos: testemunho que se deve prestar em tempos oportunos.

[7] Para isto fui designado pregador e apóstolo (afirmo a verdade, não minto), mestre dos gentios na fé e na verdade.

Proceder conveniente no culto público

[8] Quero, portanto, que os varões orem em todo lugar, levantando mãos santas, sem ira e sem animosidade.

[9] Da mesma sorte, que as mulheres, em traje decente, se ataviem com modéstia e bom senso, não com cabeleira frisada e com ouro, ou pérolas, ou vestuário dispendioso,

[10] porém com boas obras (como é próprio às mulheres que professam ser piedosas).

[11] A mulher aprenda em silêncio, com toda a submissão.

[12] E não permito que a mulher ensine, nem exerça autoridade de homem; esteja, porém, em silêncio.

[13] Porque, primeiro, foi formado Adão, depois, Eva.

[14] E Adão não foi iludido, mas a mulher, sendo enganada, caiu em transgressão.

[4]Is áil leis go slánófaí an uile dhuine agus go gcuirfidís eolas ar an bhfírinne.

[5]Mar níl ann ach aon Dia amháin, agus níl ann ach an t-aon idirghabhálaí amháin idir Dia agus an cine daonna, mar atá an duine Críost Íosa

[6]a thug suas é féin in éiric orthu uile; sin í an fhianaise a tugadh ina mhithidí féin;

[7]ní bréag atáim a rá ach an fhírinne lom - ceapadh mise i mo bholscaire agus i m'aspal aige chun an creideamh agus an fhírinne a mhúineadh do na gintlithe.

[8]Ba mhaith liom, dá bhrí sin, go mbeadh na fir ag guí gach uile áit agus a lámha tógtha acu go hómósach, gan fearg ná aighneas.

[9]Ar an gcuma chéanna ba mhaith liom go ndéanfadh na mná iad féin a chóiriú go modhúil stuama in éadaí slachtmhara, gan trilseáin ná ornáidí óir ná péarlaí ná feisteas mórluaigh,

[10]ach iad féin a mhaisiú le dea-oibreacha mar a oireann do mhná a bhfuil meas na cráifeachta acu orthu féin.

[11]Fanadh an bhean ina tost, áfach, agus bíodh sí ag foghlaim le barr umhlaíochta.

[12]Ach ní cheadaímse di aon teagasc a thabhairt ná bheith ina ceann ar an bhfear ach í a fhanacht ina tost.

[13]Mar ba é Ádhamh is túisce a cumadh agus Éabha ina dhiaidh.

[14]Agus níorbh é Ádhamh a mealladh; ba í an bhean a mealladh agus a thit i bpeaca.

[15] Todavia, será preservada através de sua missão de mãe, se ela permanecer em fé, e amor, e santificação, com bom senso.

1 Timóteo 3

As qualificações dos bispos e dos diáconos

[1] Fiel é a palavra: se alguém aspira ao episcopado, excelente obra almeja.

[2] É necessário, portanto, que o bispo seja irrepreensível, esposo de uma só mulher, temperante, sóbrio, modesto, hospitaleiro, apto para ensinar;

[3] não dado ao vinho, não violento, porém cordato, inimigo de contendas, não avarento;

[4] e que governe bem a própria casa, criando os filhos sob disciplina, com todo o respeito

[5] (pois, se alguém não sabe governar a própria casa, como cuidará da igreja de Deus?);

[6] não seja neófito, para não suceder que se ensoberbeça e incorra na condenação do diabo.

[7] Pelo contrário, é necessário que ele tenha bom testemunho dos de fora, a fim de não cair no opróbrio e no laço do diabo.

[8] Semelhantemente, quanto a diáconos, é necessário que sejam respeitáveis, de uma só palavra, não inclinados a muito vinho, não cobiçosos de sórdida ganância,

[15]Slánófar í, áfach, trí chlann a iompar, má chloíonn sí go stuama leis an gcreideamh, leis an ngrá agus leis an gcráifeacht.

1 Tiomóid 3

Cáilíochtaí an Uachtaráin

[1]Is barántúil an ráiteas é seo: an té a bhíonn ag tnúth le cúram an uachtaráin is uasal an obair a shantaíonn sé.

[2]Dá chionn sin ní mór don uachtarán a bheith gan cháim agus gan bheith pósta ach aon uair amháin; a bheith measartha, stuama, staidéartha, a bheith fial fáilteach agus in ann chun múinte;

[3]gan bheith tugtha don ól ná don achrann ach é a bheith séimh síochánta agus gan dúil aige san airgead.

[4]Caithfidh sé bheith ina cheann maith ar a theaghlach féin agus a chlann a bheith umhal ómósach i ngach slí dó.

[5]Mura bhfuil duine in ann a theaghlach féin a stiúradh, conas a dhéanfaidh sé Eaglais Dé a riaradh?

[6]Caithfidh sé gan bheith ina nuachreidmheach le heagla go dtiocfadh éirí in airde air agus go ndaorfaí é dála an diabhail féin.

[7]Ní mór freisin dea-theist a bheith air ag an muintir lasmuigh le heagla go dtabharfaí tarcaisne dó agus go mbuailfeadh an diabhal bob air.

Na Déagánaigh

[8]Na déagánaigh mar an gcéanna, ní mór dóibh bheith ina ndaoine creidiúnacha agus gan bheith ina dteanga liom leat ná

tugtha don ól, gan súil go suarach ar an mbreis acu

[9] conservando o mistério da fé com a consciência limpa.

[9]ach iad ag caomhnadh rúndiamhair an chreidimh le coinsias glan.

[10] Também sejam estes primeiramente experimentados; e, se se mostrarem irrepreensíveis, exerçam o diaconato.

[10]Ní mór iad a thástáil ar dtús agus gan ligean dóibh feidhmiú mar dhéagánaigh mura mbíonn siad gan locht.

[11] Da mesma sorte, quanto a mulheres, é necessário que sejam elas respeitáveis, não maldizentes, temperantes e fiéis em tudo.

[11]Ba chóir na mná a bheith creidiúnach mar an gcéanna agus gan a bheith cúlchainteach ach iad stuama agus iontaofa ar gach slí.

[12] O diácono seja marido de uma só mulher e governe bem seus filhos e a própria casa.

[12]Caithfidh na déagánaigh gan a bheith pósta ach aon uair amháin agus iad a bheith ina gceann maith ar a gclann agus ar a dteaghlach féin.

[13] Pois os que desempenharem bem o diaconato alcançam para si mesmos justa preeminência e muita intrepidez na fé em Cristo Jesus.

[13]Na déagánaigh a chruthaíonn go maith, gnóthaíonn siad ardchéim dóibh féin agus bíonn údarás mór lena gcaint faoin gcreideamh atá againn i gCríost Íosa.

A igreja de Deus, coluna e baluarte da verdade.
O grande mistério da piedade

Rúndiamhair an Chreidimh

[14] Escrevo-te estas coisas, esperando ir ver-te em breve;

[14]Cé go bhfuilim ag súil le teacht ar cuairt chugat sul i bhfad, táim á scríobh seo chugat

[15] para que, se eu tardar, fiques ciente de como se deve proceder na casa de Deus, que é a igreja do Deus vivo, coluna e baluarte da verdade.

[15]i dtreo, má chuirtear moill féin orm, go mbeidh a fhios agat conas is cóir duit tú féin a iompar i dteaghlach Dé, is é sin le rá, in Eaglais Dé bheo - an Eaglais atá ina cranntaca agus ina bunsraith don fhírinne.

[16] Evidentemente, grande é o mistério da piedade: Aquele que foi manifestado na carne foi justificado em espírito, contemplado por anjos, pregado entre os gentios, crido no mundo, recebido na glória.

[16]Agus gan aon agó, is mór í rúndiamhair ár gcreidimh: An té a thaispeáin é féin dúinn i gcolainn dhaonna, sheas an Spiorad a cheart dó, chonacthas é do na haingil, fógraíodh é do na ciníocha, chreid an saol mór ann agus tógadh in airde i nglóir é.

1 Timóteo 4

A apostasia nos últimos tempos

1 Ora, o Espírito afirma expressamente que, nos últimos tempos, alguns apostatarão da fé, por obedecerem a espíritos enganadores e a ensinos de demônios,

2 pela hipocrisia dos que falam mentiras e que têm cauterizada a própria consciência,

3 que proíbem o casamento e exigem abstinência de alimentos que Deus criou para serem recebidos, com ações de graças, pelos fiéis e por quantos conhecem plenamente a verdade;

4 pois tudo que Deus criou é bom, e, recebido com ações de graças, nada é recusável,

5 porque, pela palavra de Deus e pela oração, é santificado.

Exortação à fidelidade e à diligência no ministério

6 Expondo estas coisas aos irmãos, serás bom ministro de Cristo Jesus, alimentado com as palavras da fé e da boa doutrina que tens seguido.

7 Mas rejeita as fábulas profanas e de velhas caducas. Exercita-te, pessoalmente, na piedade.

8 Pois o exercício físico para pouco é proveitoso, mas a piedade para tudo é proveitosa, porque tem a promessa da vida que agora é e da que há de ser.

1 Tiomóid 4

Tréigean an Chreidimh

1Deir an Spiorad go dearfa go dtréigfidh daoine áirithe an creideamh sna haimsirí deiridh mar go dtabharfaidh siad aird ar na spioraid bhréagacha agus ar an teagasc a thagann ó na deamhain.

2Meallfar iad le cur i gcéill lucht éithigh, daoine a bhfuil a gcoinsias mar a bheadh sé brandálta leis an iarann dearg.

3Coisceann siad daoine ar phósadh agus ar bhianna áirithe a ithe, cé gur chruthaigh Dia na bianna sin don mhuintir a chreideann ann agus a chuir eolas ar an bhfírinne chun go gcaithfidís iad go buíoch.

4Mar is maith gach ní dar chruthaigh Dia agus ní ceart diúltú do rud ar bith má ghlactar leis go buíoch

5mar go ndéanann briathar Dé agus an urnaí rud naofa de.

An Seirbhíseach Dílis

6Má chuireann tú na treoracha sin os comhair na mbráithre, beidh tú i do sheirbhíseach fónta ag Íosa Críost, mar go mbeidh tú do do chothú ar bhriathra an chreidimh agus an teagaisc fholláin atá leanta agat.

7Ach seachain finscéalta baotha úd na gcailleach. Aclaigh tú féin chun saol cráifeach a thabhairt.

8Is beag an tairbhe an aclaíocht choirp, ach is mór go deo an tairbhe an chráifeacht, mar go bhfuil tuar na beatha inti abhus agus thall.

[9] Fiel é esta palavra e digna de inteira aceitação.

[10] Ora, é para esse fim que labutamos e nos esforçamos sobremodo, porquanto temos posto a nossa esperança no Deus vivo, Salvador de todos os homens, especialmente dos fiéis.

[11] Ordena e ensina estas coisas.

[12] Ninguém despreze a tua mocidade; pelo contrário, torna-te padrão dos fiéis, na palavra, no procedimento, no amor, na fé, na pureza.

[13] Até à minha chegada, aplica-te à leitura, à exortação, ao ensino.

[14] Não te faças negligente para com o dom que há em ti, o qual te foi concedido mediante profecia, com a imposição das mãos do presbitério.

[15] Medita estas coisas e nelas sê diligente, para que o teu progresso a todos seja manifesto.

[16] Tem cuidado de ti mesmo e da doutrina. Continua nestes deveres; porque, fazendo assim, salvarás tanto a ti mesmo como aos teus ouvintes.

1 Timóteo 5

Os deveres dos pastores para com várias classes de pessoas

[1] Não repreendas ao homem idoso; antes, exorta-o como a pai; aos moços, como a irmãos;

[9]Is barántúil agus is iontaofa go hiomlán an ráiteas é sin.

[10]Mar is é fáth a bhfuilimid ag obair agus ag coimhlint, de bhrí go bhfuil ár ndóchas againn as Dia beo, an té atá ina shlánaitheoir ar chách uile agus go háirithe ar an muintir a bhfuil an creideamh acu.

[11]Lean ort ag fógairt agus ag teagasc na nithe sin.

[12]Ná lig d'aoinne tú a dhíspeagadh mar gheall ar d'óige ach bí i d'eiseamláir do na creidmhigh ar chaint agus ar iompar, ar ghrá agus ar chreideamh agus ar naofacht.

[13]Tabhair aire don léitheoireacht phoiblí, don tseanmóireacht agus don teagasc go dtí go dtiocfaidh mé.

[14]Ná déan faillí sa tíolacadh atá agat, an tíolacadh a bronnadh ort nuair a labhair na fáithe leat agus nuair a leag na seanóirí a lámha ort.

[15]Caith do dhúthracht leis na nithe sin agus bí ag gabháil dóibh chun go mba léir do chách an dul chun cinn atá á dhéanamh agat.

[16]Tabhair aire duit féin agus do do theagasc. Lean den obair, mar má dhéanann tú amhlaidh, sábháilfidh tú thú féin agus do lucht éisteachta.

1 Tiomóid 5

Dualgais i leith Daoine Áirithe

[1]Ná tabhair casaoid do sheanduine ach déan tathant air mar a dhéanfá ar d'athair.

Déan le fir óga mar a dhéanfá le do dheartháireacha.

[2] às mulheres idosas, como a mães; às moças, como a irmãs, com toda a pureza.

[2]Bí le seanmhná mar bheifeá le do mháthair agus le mná óga mar bheifeá le do dheirfiúracha, go geanmnaí i gcónaí.

Das viúvas

[3] Honra as viúvas verdadeiramente viúvas.

[3]Tabhair ómós do bhaintreacha atá ina mbaintreacha dáiríre.

[4] Mas, se alguma viúva tem filhos ou netos, que estes aprendam primeiro a exercer piedade para com a própria casa e a recompensar a seus progenitores; pois isto é aceitável diante de Deus.

[4]Ach má tá clann nó clann chlainne ag baintreach, tuigidís sin gurb é céad dualgas atá orthu cuidiú lena dteaghlach féin agus cúiteamh a dhéanamh lena dtuismitheoirí, mar gurb áil le Dia é sin.

[5] Aquela, porém, que é verdadeiramente viúva e não tem amparo espera em Deus e persevera em súplicas e orações, noite e dia;

[5]An bhean atá ina fíorbhaintreach agus atá fágtha ina haonar sa saol, bíonn a muinín aici i nDia agus leanann sí ag guí agus ag urnaí de lá agus d'oíche.

[6] entretanto, a que se entrega aos prazeres, mesmo viva, está morta.

[6]Ach an bhaintreach atá aerach, tá sí marbh cheana féin d'ainneoin í bheith beo.

[7] Prescreve, pois, estas coisas, para que sejam irrepreensíveis.

[7]Tabhair an foláireamh seo don phobal d'fhonn nach mbeadh locht le fáil orthu:

[8] Ora, se alguém não tem cuidado dos seus e especialmente dos da própria casa, tem negado a fé e é pior do que o descrente.

[8]an duine nach ndéanann aon chúram dá mhuintir agus do lucht a theaghlaigh féin go háirithe, tá an creideamh séanta aige agus is measa é ná an díchreidmheach.

[9] Não seja inscrita senão viúva que conte ao menos sessenta anos de idade, tenha sido esposa de um só marido,

[9]Ná cláraítear aon bhaintreach nach mbíonn an seasca bliain slán aici. Caithfidh sí gan a bheith pósta ach aon uair amháin

[10] seja recomendada pelo testemunho de boas obras, tenha criado filhos, exercitado hospitalidade, lavado os pés aos santos, socorrido a atribulados, se viveu na prática zelosa de toda boa obra.

[10]agus teist na ndea-oibreacha a bheith uirthi, is é sin le rá, gur thóg sí clann, go raibh sí go fial fáilteach le strainséirí, gur nigh sí cosa na naomh, gur fhóir sí ar lucht na hainnise agus go raibh sí tugtha do gach cineál dea-oibreacha.

[11] Mas rejeita viúvas mais novas, porque, quando se tornam levianas contra Cristo, querem casar-se,
[12] tornando-se condenáveis por anularem o seu primeiro compromisso.

[13] Além do mais, aprendem também a viver ociosas, andando de casa em casa; e não somente ociosas, mas ainda tagarelas e intrigantes, falando o que não devem.

[14] Quero, portanto, que as viúvas mais novas se casem, criem filhos, sejam boas donas de casa e não dêem ao adversário ocasião favorável de maledicência.
[15] Pois, com efeito, já algumas se desviaram, seguindo a Satanás.

[16] Se alguma crente tem viúvas em sua família, socorra-as, e não fique sobrecarregada a igreja, para que esta possa socorrer as que são verdadeiramente viúvas.

Acerca dos presbíteros. Vários conselhos

[17] Devem ser considerados merecedores de dobrados honorários os presbíteros que presidem bem, com especialidade os que se afadigam na palavra e no ensino.

[18] Pois a Escritura declara: Não amordaces o boi, quando pisa o trigo. E ainda: O trabalhador é digno do seu salário.

[19] Não aceites denúncia contra presbítero, senão exclusivamente sob o depoimento de duas ou três testemunhas.

[11]Coinnigh amach na baintreacha óga, mar nuair a chlaonann an teaspach ó Chríost iad, tagann fonn pósta orthu
[12]agus bíonn sé le casadh ansin leo go ndeachaigh siad siar ar a gcéad fhocal.
[13]San am céanna tosaíonn siad ag gabháil timpeall díomhaoin ó theach go teach, agus ní díomhaoin amháin a bhíonn siad ach iad ag suainseán agus ag gobaireacht agus ag caint ar nithe nach cuí.
[14]B'fhearr liom dá bhrí sin go bpósfadh na baintreacha óga agus go dtógfaidís clann agus go mbeidís i mbun tí agus gan aon deis a gcáinte a thabhairt don namhaid.
[15]Tá cuid acu tar éis claonadh le Sátan cheana féin.
[16]Aon chreidmheach mná a bhfuil daoine muintire léi ina mbaintreacha, tugadh sí féin aire dóibh agus gan iad a bheith ina n-ualach ar an eaglais chun go bhféadfadh an eaglais teacht i gcabhair ar na fíorbhaintreacha.

[17]Na seanóirí a chruthaíonn go maith mar uachtaráin, tá a dhá oiread onóra ag dul dóibh, agus iad siúd go háirithe a chaitheann a ndúthracht leis an tseanmóireacht agus leis an teagasc,
[18]mar go ndeir an scrioptúr: “Ná cuir pusachán ar an damh agus é ag satailt an arbhair” agus “is fiú an fear oibre a thuarastal”.
[19]Nuair a chuirtear coir i leith seanóra, ná géillse dó ach amháin ar fhocal a dó nó a thrí d'fhinnéithe.

[20] Quanto aos que vivem no pecado, repreende-os na presença de todos, para que também os demais temam.

[20]Déan lucht an mhí-iompair a cheartú go poiblí, áfach, d'fhonn an chuid eile acu a scanrú.

[21] Conjuro-te, perante Deus, e Cristo Jesus, e os anjos eleitos, que guardes estes conselhos, sem prevenção, nada fazendo com parcialidade.

[21]I bhfianaise Dé agus Íosa Críost agus i bhfianaise na n-aingeal atá tofa aige cuirim de gheasa ort na rialacha sin a choinneáil gan leathchuma, gan camadh gan claonadh.

[22] A ninguém imponhas precipitadamente as mãos. Não te tornes cúmplice de pecados de outrem. Conserva-te a ti mesmo puro.

[22]Ná bíodh aon deabhadh ort ag leagan lámh ar dhuine ar bith agus ná bí páirteach i bpeacaí daoine eile. Coinnigh tú féin saor ó locht.

[23] Não continues a beber somente água; usa um pouco de vinho, por causa do teu estômago e das tuas freqüentes enfermidades.

[23]Ná hól uisce leis féin a thuilleadh ach tóg braon fíona ar mhaithe leis an ngoile agus leis na taomanna tinnis a thagann ort chomh minic sin.

[24] Os pecados de alguns homens são notórios e levam a juízo, ao passo que os de outros só mais tarde se manifestam.

[24]Bíonn daoine ann a mbíonn a bpeacaí glan le feiceáil ag dul rompu chun na cúirte; ach is tar éis an fhiosraithe a thagann peacaí daoine eile chun solais.

[25] Da mesma sorte também as boas obras, antecipadamente, se evidenciam e, quando assim não seja, não podem ocultar-se.

[25]Bíonn na dea-ghníomhartha glan le feiceáil ar an gcuma chéanna; agus iad siúd nach mbíonn, ní féidir iad a cheilt go deo.

1 Timóteo 6

Dos senhores e dos servos

[1] Todos os servos que estão debaixo de jugo considerem dignos de toda honra o próprio senhor, para que o nome de Deus e a doutrina não sejam blasfemados.

[2] Também os que têm senhor fiel não o tratem com desrespeito, porque é irmão; pelo contrário, trabalhem ainda mais, pois ele, que partilha do seu bom serviço, é

1 Tiomóid 6

[1]Iad sin atá faoi chuing na daoirse, tuigidís ina n-aigne go bhfuil gach ómós ag dul dá máistrí le heagla go gcaithfí dímheas ar ainm Dé agus ar an teagasc.

[2]Sclábhaithe a bhfuil creidmhigh mar mháistrí acu, ná bíodh aon drochmheas acu orthu i dtaobh gur bráithre dóibh iad; ní hea ach déanaidís a ndualgas níos díograisí fós toisc gur creidmhigh agus

crente e amado. Ensina e recomenda estas coisas.

Os falsos mestres e os perigos da riqueza

[3] Se alguém ensina outra doutrina e não concorda com as sãs palavras de nosso SENHOR Jesus Cristo e com o ensino segundo a piedade,

[4] é enfatuado, nada entende, mas tem mania por questões e contendas de palavras, de que nascem inveja, provocação, difamações, suspeitas malignas,

[5] altercações sem fim, por homens cuja mente é pervertida e privados da verdade, supondo que a piedade é fonte de lucro.

[6] De fato, grande fonte de lucro é a piedade com o contentamento.

[7] Porque nada temos trazido para o mundo, nem coisa alguma podemos levar dele.

[8] Tendo sustento e com que nos vestir, estejamos contentes.

[9] Ora, os que querem ficar ricos caem em tentação, e cilada, e em muitas concupiscências insensatas e perniciosas, as quais afogam os homens na ruína e perdição.

[10] Porque o amor do dinheiro é raiz de todos os males; e alguns, nessa cobiça, se desviaram da fé e a si mesmos se atormentaram com muitas dores.

Apelo para Timóteo

lucht páirte na daoine a bhainfidh leas as a saothar.

Múinteoirí

Déan na nithe sin a theagasc agus a fhógairt.

[3]Duine ar bith a thugann a mhalairt de theagasc agus nach réitíonn le briathra fónta ár dTiarna Íosa Críost, leis an teagasc atá de réir na cráifeachta,

[4]is ag borradh le bród atá sé agus gan aon tuiscint aige ach cíocras air chun aighnis agus conspóide, nithe nach dtagann dá mbarr ach éad agus achrann, achasáin agus drochamhras

[5]agus an iomarbhá úd a bhíonn ag daoine a bhfuil a n-intinn ag meathlú agus an fhírinne caillte acu. Is dóigh leo gurb údar saibhris an chráifeacht.

[6]Is mór an t-údar saibhris í an chráifeacht go deimhin, an té a bhíonn sásta lena chuid.

[7]Mar níor thugamar aon ní isteach sa saol ná ní féidir dúinn aon ní a thógáil as.

[8]Dá réir sin má bhíonn bia agus éadach againn, beimid sásta.

[9]Iad sin a mbíonn dúil sa saibhreas acu titeann siad i gcathú agus gabhtar sa líon iad ag na hainmhianta iomadúla baotha díobhálacha úd a tharraingíonn daoine ar bhealach a millte agus a mbascaithe.

[10]Dúil san airgead is bun do gach olc, agus le barr dúile ann tá daoine áirithe imithe ar fán ón gcreideamh agus is iomaí arraing atá curtha trína gcroí féin acu.

An Saighdiúir Cróga

[11] Tu, porém, ó homem de Deus, foge destas coisas; antes, segue a justiça, a piedade, a fé, o amor, a constância, a mansidão.

[12] Combate o bom combate da fé. Toma posse da vida eterna, para a qual também foste chamado e de que fizeste a boa confissão perante muitas testemunhas.

[13] Exorto-te, perante Deus, que preserva a vida de todas as coisas, e perante Cristo Jesus, que, diante de Pôncio Pilatos, fez a boa confissão,

[14] que guardes o mandato imaculado, irrepreensível, até à manifestação de nosso SENHOR Jesus Cristo;

[15] a qual, em suas épocas determinadas, há de ser revelada pelo bendito e único Soberano, o Rei dos reis e SENHOR dos senhores;

[16] o único que possui imortalidade, que habita em luz inacessível, a quem homem algum jamais viu, nem é capaz de ver. A ele honra e poder eterno. Amém!

Acerca dos ricos

[17] Exorta aos ricos do presente século que não sejam orgulhosos, nem depositem a sua esperança na instabilidade da riqueza, mas em Deus, que tudo nos proporciona ricamente para nosso aprazimento;

[18] que pratiquem o bem, sejam ricos de boas obras, generosos em dar e prontos a repartir;

[11]Ach ós óglach Dé tusa, seachain na nithe sin. Bíodh tóir agat ar an bhfíréantacht, ar an gcráifeacht, ar an gcreideamh, ar an ngrá, ar an bhfoighne agus ar an láchas.

[12]Fear cath an chreidimh go calma agus bain amach an bheatha shíoraí, mar is chun na beatha sin a fuair tú an glaoch nuair a rinne tú an dea-admháil chreidimh i láthair mórán finnéithe.

[13]I láthair Dé a thugann beatha don uile ní, agus i láthair Chríost Íosa a rinne a dhea-admháil féin chreidimh os comhair Phoint Pióláit, achtaím ort,

[14]an aithne seo a choimeád gan cháim gan locht go dtí taibhsiú ár dTiarna Íosa Críost.

[15]Taispeánfaidh Dia dúinn é ina mhithidí féin: An Dia beannaithe atá ina aon cheannasaí, atá ina rí ar na ríthe agus ina thiarna ar na tiarnaí;

[16]an tAon atá buan gan bás, agus a chónaíonn sa solas doshroichte. Aon duine riamh ní fhaca é ná ní féidir dó é a fheiceáil. Glóir dó agus cumhacht shíoraí. Amen.

[17]Tabhair foláireamh dóibh siúd a bhfuil flúirse de mhaoin an tsaoil seo acu, gan bheith mórálach astu féin agus gan a muinín a chur i saibhreas díomuan ach i nDia a chuireann gach ní ar fáil dúinn go fial go mbainfimis só as.

[18]Abair leo an mhaith a dhéanamh, bheith saibhir i ndea-oibreacha, bheith fial flaithiúil lena gcuid

[19] que acumulem para si mesmos tesouros, sólido fundamento para o futuro, a fim de se apoderarem da verdadeira vida.

O conselho final e a bênção apostólica

[20] E tu, ó Timóteo, guarda o que te foi confiado, evitando os falatórios inúteis e profanos e as contradições do saber, como falsamente lhe chamam,

[21] pois alguns, professando-o, se desviaram da fé. A graça seja convosco.

[19]agus stór a chur i dtaisce dóibh féin a bheidh ina bhun maith acu san am atá le teacht chun an bheatha úd a shealbhú atá ina beatha dáiríre.

[20]A Thiomóid, cumhdaigh an taisce a fágadh i do chúram, agus seachain an chaint bhaoth dhíomhaoin agus ráite bréige an eolais úd nach bhfuil ann ach eolas in ainm,

[21]mar tá daoine á chraobhscaoileadh agus tá siad claonta ón gcreideamh. Grásta go raibh agaibh.

Segunda epístola de Paulo a Timóteo

2 Timóteo 1

Prefácio e saudação

[1] Paulo, apóstolo de Cristo Jesus, pela vontade de Deus, de conformidade com a promessa da vida que está em Cristo Jesus,

[2] ao amado filho Timóteo, graça, misericórdia e paz, da parte de Deus Pai e de Cristo Jesus, nosso SENHOR.

Ação de graças

[3] Dou graças a Deus, a quem, desde os meus antepassados, sirvo com consciência pura, porque, sem cessar, me lembro de ti nas minhas orações, noite e dia.

[4] Lembrado das tuas lágrimas, estou ansioso por ver-te, para que eu transborde de alegria

[5] pela recordação que guardo de tua fé sem fingimento, a mesma que, primeiramente, habitou em tua avó Lóide e em tua mãe Eunice, e estou certo de que também, em ti.

A prática do zelo, da firmeza e da fidelidade

[6] Por esta razão, pois, te admoesto que reavives o dom de Deus que há em ti pela imposição das minhas mãos.

[7] Porque Deus não nos tem dado espírito de covardia, mas de poder, de amor e de moderação.

[8] Não te envergonhes, portanto, do testemunho de nosso SENHOR, nem do seu encarcerado, que sou eu; pelo contrário, participa comigo dos

2 Tiomóid

2 Tiomóid 1

Beannú

[1]Mise Pól, aspal Chríost Íosa de thoil Dé, de réir ghealltanais na beatha atá againn i gCríost Íosa.

[2]Guím grásta agus trócaire agus síocháin ó Dhia an tAthair agus ónár dTiarna Críost Íosa ar mo mhac muirneach Tiomóid.

[3]Gabhaim buíochas le Dia, a bhfuilim ag seirbhís dó le coinsias glan mar a dhéanadh mo shinsir romham, gach uair dá gcuimhním ort i m'urnaithe, rud a dhéanaim de lá agus d'oíche.

[4]Agus nuair a chuimhním ar na deora a shil tú is fada liom go bhfeicfidh mé thú go líonfaí mo chroí le háthas.

[5]Cuimhním freisin ar an gcreideamh glan sin agat. An creideamh úd a bhí ag do sheanmháthair Laoise romhat agus ag do mháthair Eunaícé, táim cinnte go bhfuil sé agatsa chomh maith.

Tíolacthaí Thiomóid

[6]Sin é an fáth a bhfuilim á chur i gcuimhne duit tabhartas Dé a athmhúscailt, an tabhartas úd a fuair tú nuair a chuir mise mo lámha ort.

[7]An spiorad a thug Dia dúinn ní spiorad na meatachta é ach spiorad na fearúlachta agus an ghrá agus an fhéinsmachta.

[8]Ná bíodh aon náire ort, dá bhrí sin, fianaise a thabhairt ar ár dTiarna agus ná bíodh aon náire ort fúmsa atá i mo phríosúnach ar a shon. Ní hea, ach

sofrimentos, a favor do evangelho, segundo o poder de Deus,

fulaingse cruatan liom ar son an dea-scéil as ucht an chumais atá faighte agat ó Dhia.

[9] que nos salvou e nos chamou com santa vocação; não segundo as nossas obras, mas conforme a sua própria determinação e graça que nos foi dada em Cristo Jesus, antes dos tempos eternos,

[9]Mar is é Dia a shlánaigh sinn agus a ghlaoigh orainn le naomhghlao, agus ní de bharr aon ní dá ndearnamarna é ach de bharr a thola agus a ghrásta féin. Bhí an grásta seo tugtha dúinn i gCríost Íosa ó thús aimsire

[10] e manifestada, agora, pelo aparecimento de nosso Salvador Cristo Jesus, o qual não só destruiu a morte, como trouxe à luz a vida e a imortalidade, mediante o evangelho,

[10]ach is anois beag a foilsíodh é trí thaibhsiú ar slánaitheora Críost Íosa. Chuir seisean an bás ar neamhní agus thug chun solais an bheatha agus an neamhbhásmhaireacht trí bhíthin an dea-scéil.

[11] para o qual eu fui designado pregador, apóstolo e mestre

[11]Agus táimse ceaptha i mo fhógróir agus i m'aspal agus i mo theagascóir ar an dea-scéal sin.

[12] e, por isso, estou sofrendo estas coisas; todavia, não me envergonho, porque sei em quem tenho crido e estou certo de que ele é poderoso para guardar o meu depósito até aquele Dia.

[12]Sin é an fáth a bhfuil na nithe seo le fulaingt agam; ach ní náir liom iad mar go bhfuil a fhios agam cé air a bhfuil mo sheasamh: agus táim cinnte de go bhfuil ar a chumas an taisce a d'fhág sé faoi mo chúram a ghardáil go dtí an lá úd.

[13] Mantém o padrão das sãs palavras que de mim ouviste com fé e com o amor que está em Cristo Jesus.

[13]An teagasc folláin a chuala tú uaimse, coimeád agat mar threoir é agus lean den chreideamh agus den ghrá atá agat i gCríost Íosa.

[14] Guarda o bom depósito, mediante o Espírito Santo que habita em nós.

[14]An taisce luachmhar atá faoi do chúram, cosáin é le cabhair an Spioraid Naoimh a chónaíonn ionainn.

A situação do apóstolo preso e o procedimento de alguns de seus colaboradores

[15] Estás ciente de que todos os da Ásia me abandonaram; dentre eles cito Fígelo e Hermógenes.

[15]Tá a fhios agat é seo, gur thréig a bhfuil san Áise mé, agus Figealas agus Hearmaganaes san áireamh.

[16] Conceda o SENHOR misericórdia à casa de Onesíforo, porque, muitas vezes, me deu ânimo e nunca se envergonhou das minhas algemas;

[17] antes, tendo ele chegado a Roma, me procurou solicitamente até me encontrar.

[18] O SENHOR lhe conceda, naquele Dia, achar misericórdia da parte do SENHOR. E tu sabes, melhor do que eu, quantos serviços me prestou ele em Éfeso.

[16]Go ndéana an Tiarna trócaire ar theaghlach Onaesaforas, mar is minic a chuir sé misneach ionam, agus in ionad aon náire a bheith air faoi mé bheith i bpríosún,

[17]is amhlaidh nuair a bhí sé sa Róimh, a chuaigh sé ar mo lorg go dícheallach nó gur aimsigh sé mé.

[18]Sea, go ndeonaí an Tiarna go bhfaighidh sé trócaire ón Tiarna an lá úd - agus is fearr a fhios agatsa na agam féin méid an fhreastail a rinne sé orm in Eifeasas.

2 Timóteo 2

Os estímulos no combate da fé e no sofrimento por Cristo

[1] Tu, pois, filho meu, fortifica-te na graça que está em Cristo Jesus.

[2] E o que de minha parte ouviste através de muitas testemunhas, isso mesmo transmite a homens fiéis e também idôneos para instruir a outros.

[3] Participa dos meus sofrimentos como bom soldado de Cristo Jesus.

[4] Nenhum soldado em serviço se envolve em negócios desta vida, porque o seu objetivo é satisfazer àquele que o arregimentou.

[5] Igualmente, o atleta não é coroado se não lutar segundo as normas.

[6] O lavrador que trabalha deve ser o primeiro a participar dos frutos.

2 Tiomóid 2

Saighdiúir Dílis

[1]Dá bhrí sin, a mhic, bí láidir le cabhair ghrásta Chríost Íosa.

[2]An teagasc a chuala tú uaimse i bhfianaise a lán, cuirse é i gcúram daoine iontaofa a bheidh in ann é a mhúineadh do dhaoine eile chomh maith.

[3]Cuir suas le do chion féin den chruatan mar a dhéanfadh saighdiúir dílis Chríost Íosa.

[4]Aon saighdiúir a bhíonn ar fiannas, ní bhíonn sé sáite i ngnóthaí an tsaoil, d'fhonn an té lenar liostáil sé a shásamh.

[5]Má bhíonn fear ag iomaíocht sna lúthchleasa, ní bhfaighidh sé an duais mura gcloíonn sé leis na rialacha san iomaíocht.

[6]An feirmeoir a dhéanann an saothrú, is dósan atá an chéad chuid den bharr ag dul.

[7] Pondera o que acabo de dizer, porque o SENHOR te dará compreensão em todas as coisas.

[8] Lembra-te de Jesus Cristo, ressuscitado de entre os mortos, descendente de Davi, segundo o meu evangelho;

[9] pelo qual estou sofrendo até algemas, como malfeitor; contudo, a palavra de Deus não está algemada.

[10] Por esta razão, tudo suporto por causa dos eleitos, para que também eles obtenham a salvação que está em Cristo Jesus, com eterna glória.

[11] Fiel é esta palavra: Se já morremos com ele, também viveremos com ele;

[12] se perseveramos, também com ele reinaremos; se o negamos, ele, por sua vez, nos negará;

[13] se somos infiéis, ele permanece fiel, pois de maneira nenhuma pode negar-se a si mesmo.

As falsas doutrinas e os falsos crentes. Como corrigi-los

[14] Recomenda estas coisas. Dá testemunho solene a todos perante Deus, para que evitem contendas de palavras que para nada aproveitam, exceto para a subversão dos ouvintes.

[15] Procura apresentar-te a Deus aprovado, como obreiro que não tem de que se envergonhar, que maneja bem a palavra da verdade.

[7]Machnaigh ar a bhfuilim a rá agus tabharfaidh an Tiarna tuiscint duit ar an iomlán.

[8]Cuimhnigh ar Íosa Críost a rugadh de shliocht Dháivi, agus a tógadh ó mhairbh de réir an dea-scéil a bhímse a fhógairt.

[9]Is mar gheall ar an dea-scéal sin atáimse ag fulaingt anró agus mé fiú amháin i ngéibheann ar nós an choirpigh. Níl aon ghéibheann ar bhriathar Dé, áfach.

[10]Dá chionn sin cuirimse suas le gach sórt ar mhaithe leis an muintir thofa le hionchas go mbainfidís sin amach chomh maith an slánú agus an ghlóir shíoraí i gCríost Íosa.

[11]Is fíor an ráiteas é: Má fuaireamar bás in éineacht leis beimid beo in éineacht leis chomh maith.

[12]Má sheasaimid an fód, beimid inár ríthe leis chomh maith. Má shéanaimid é, séanfaidh seisean sinn.

[13]Ach má bhímid mídhílis féin, fanfaidh seisean dílis fós, mar nach féidir dó é féin a shéanadh.

Múinteoirí Claona

[14]Cuir an méid sin i gcuimhne don phobal agus tabhair foláireamh dóibh i bhfianaise Dé gan bheith ag iomarbhá le chéile mar nach mbíonn dá thairbhe ach an lucht éisteachta a chur ar mhíthreoir.

[15]Déan do dhícheall bheith diongbháilte i bhfianaise Dé mar oibrí nach náir dó a shaothar agus mar riarthóir ionraic ar bhriathar na fírinne.

[16] Evita, igualmente, os falatórios inúteis e profanos, pois os que deles usam passarão a impiedade ainda maior.

[17] Além disso, a linguagem deles corrói como câncer; entre os quais se incluem Himeneu e Fileto.

[18] Estes se desviaram da verdade, asseverando que a ressurreição já se realizou, e estão pervertendo a fé a alguns.

[19] Entretanto, o firme fundamento de Deus permanece, tendo este selo: O SENHOR conhece os que lhe pertencem. E mais: Aparte-se da injustiça todo aquele que professa o nome do SENHOR.

[20] Ora, numa grande casa não há somente utensílios de ouro e de prata; há também de madeira e de barro. Alguns, para honra; outros, porém, para desonra.

[21] Assim, pois, se alguém a si mesmo se purificar destes erros, será utensílio para honra, santificado e útil ao seu possuidor, estando preparado para toda boa obra.

[22] Foge, outrossim, das paixões da mocidade. Segue a justiça, a fé, o amor e a paz com os que, de coração puro, invocam o SENHOR.

[23] E repele as questões insensatas e absurdas, pois sabes que só engendram contendas.

[16]Ach seachain an ghaothaireacht aindiaga, mar an mhuintir a chleachtann í is ag dul in éagráifeacht a bheidh siad

[17]agus beidh a gcuid teagaisc ag ithe roimhe mar a bheadh cancar. Orthusan tá Himeanaes agus Fiolaetas,

[18]beirt a chlaon ón bhfírinne, á rá go bhfuil an t-aiséirí tarlaithe cheana féin; agus tá creideamh daoine áirithe á chur bunoscionn acu.

[19]Seasann cloch bhoinn dhaingean Dé, áfach, agus tá an séala seo greanta inti: "Tá aithne ag an Tiarna ar a mhuintir féin," agus "Gach duine a ghlaonn ar ainm an Tiarna, tréigeadh sé an urchóid."

[20]Ní árthaí óir agus airgid amháin a bhíonn i dteach mór ach árthaí adhmaid agus árthaí cré chomh maith. Bíonn feidhm uasal le cuid acu sin agus feidhm anuasal le cuid eile.

[21]Dá bhrí sin, má ghlanann duine é féin ón táire sin, beidh sé ina árthach a bhfuil feidhm uasal leis; beidh sé naofa agus fóinteach dá mháistir agus é réidh chun gach dea-ghníomh a dhéanamh.

[22]Seachain baois na hóige agus bíodh tóir agat ar an bhfíréantacht, ar an gcreideamh, ar an ngrá agus ar an tsíocháin, tú féin agus iad siúd a ghlaonn ar an Tiarna le croí glan.

[23]Seachain chomh maith na díospóireachtaí baotha seafóideacha agus a fhios agat nach ndéanann siad ach achrann a chothú.

[24] Ora, é necessário que o servo do SENHOR não viva a contender, e sim deve ser brando para com todos, apto para instruir, paciente,

[25] disciplinando com mansidão os que se opõem, na expectativa de que Deus lhes conceda não só o arrependimento para conhecerem plenamente a verdade,

[26] mas também o retorno à sensatez, livrando-se eles dos laços do diabo, tendo sido feitos cativos por ele para cumprirem a sua vontade.

[24]Ní ceart do sheirbhíseach an Tiarna bheith ag achrann; caithfidh sé bheith séimh le các, bheith in ann chun múinte agus bheith foighneach,

[25]agus an mhuintir atá ina choinne a cheartú go mín, le hionchas go seolfadh Dia chun aithrí iad agus chun an fhírinne a aithint,

[26]ar shlí go dtiocfadh a gciall chucu agus go n-éalóidís ó ghaiste an diabhail ina bhfuil siad gafa chun a thola aige.

2 Timóteo 3

Os males e as corrupções dos últimos dias

[1] Sabe, porém, isto: nos últimos dias, sobrevirão tempos difíceis,

[2] pois os homens serão egoístas, avarentos, jactanciosos, arrogantes, blasfemadores, desobedientes aos pais, ingratos, irreverentes,

[3] desafeiçoados, implacáveis, caluniadores, sem domínio de si, cruéis, inimigos do bem,

[4] traidores, atrevidos, enfatuados, mais amigos dos prazeres que amigos de Deus,

[5] tendo forma de piedade, negando-lhe, entretanto, o poder. Foge também destes.

[6] Pois entre estes se encontram os que penetram sorrateiramente nas casas e conseguem cativar mulherinhas sobrecarregadas de pecados, conduzidas de várias paixões,

2 Tiomóid 3

Na Laethanta Deireanacha

[1]Bíodh a fhios seo agat: go bhfuil saol guaisiúil i ndán sna laethanta deireanacha.

[2]Beidh na daoine leithleasach, santach, maíteach, uaibhreach agus maslach; beidh siad easumhal dá dtuismitheoirí, díomaíoch agus mínaofa.

[3]Beidh siad fuarchroíoch, mídhílis, béadánach, gan smacht ná riail orthu agus gan grá acu don mhaith.

[4]Beidh siad fealltach, meargánta agus iad lán díobh féin agus gur fearr leo an pléisiúr ná Dia.

[5]Beidh comharthaí sóirt na cráifeachta acu, ach go mbeidh a brí séanta acu. Seachainse a leithéidí.

[6]Tá daoine orthu a shleamhnaíonn isteach i dtithe agus a chuireann cluain ar óinseacha ban a bhfuil ualach peacaí orthu agus iad mearaithe ag mianta éagsúla,

[7] que aprendem sempre e jamais podem chegar ao conhecimento da verdade.

[7]mná a bhíonn ag lorg eolais de shíor ach gan é ar a gcumas eolas a fháil ar an bhfírinne choíche.

[8] E, do modo por que Janes e Jambres resistiram a Moisés, também estes resistem à verdade. São homens de todo corrompidos na mente, réprobos quanto à fé;

[8]Faoi mar a chuir Iannaes agus Iambraes in aghaidh Mhaois fadó, bíonn na daoine seo ag cur in aghaidh na fírinne ar an gcuma chéanna, de bhrí go bhfuil a n-aigne truaillithe agus a gcreideamh gan bhrí.

[9] eles, todavia, não irão avante; porque a sua insensatez será a todos evidente, como também aconteceu com a daqueles.

[9]Ní rachaidh siad níos faide, áfach, mar go mbeidh a gcuid baoise follasach do chách, dála na beirte úd.

Paulo elogia a Timóteo por sua firmeza e o exorta a permanecer leal à verdade

Comhairle

[10] Tu, porém, tens seguido, de perto, o meu ensino, procedimento, propósito, fé, longanimidade, amor, perseverança,

[10]I dtaca leatsa de, tá eolas maith curtha agat ar mo theagascsa, ar mo bhéasa, agus ar mo chuspóirí. Tá eolas curtha agat ar mo chreideamh, ar m'fhoighne, agus ar mo ghrá.

[11] as minhas perseguições e os meus sofrimentos, quais me aconteceram em Antioquia, Icônio e Listra, – que variadas perseguições tenho suportado! De todas, entretanto, me livrou o SENHOR.

[11]Tá eolas curtha agat ar mo ghéarleanúintí agus m'angair, mar a d'éirigh dom in Aintíoch agus in Iocoiniam agus i Liostra agus ar ghabh mé tríothu de ghéarleanúintí. Ach thug an Tiarna slán mé uathu uile.

[12] Ora, todos quantos querem viver piedosamente em Cristo Jesus serão perseguidos.

[12]Gach duine arb áil leis maireachtáil go diaganta i gCríost Íosa, déanfar géarleanúint air mar an gcéanna.

[13] Mas os homens perversos e impostores irão de mal a pior, enganando e sendo enganados.

[13]Ach is in olcas a rachaidh na drochdhaoine agus na mealltóirí - daoine atá ag dul amú iad féin agus ag cur daoine eile amú.

A inspiração, valor e utilidade das Santas Escrituras

[14] Tu, porém, permanece naquilo que aprendeste e de que foste inteirado, sabendo de quem o aprendeste

[14]Cloígh-se, áfach, leis an teagasc a fuair tú, teagasc a bhfuil tú suite go daingean

[15] e que, desde a infância, sabes as sagradas letras, que podem tornar-te sábio para a salvação pela fé em Cristo Jesus.

[16] Toda a Escritura é inspirada por Deus e útil para o ensino, para a repreensão, para a correção, para a educação na justiça,

[17] a fim de que o homem de Deus seja perfeito e perfeitamente habilitado para toda boa obra.

2 Timóteo 4

A fidelidade e o zelo na pregação

[1] Conjuro-te, perante Deus e Cristo Jesus, que há de julgar vivos e mortos, pela sua manifestação e pelo seu reino:

[2] prega a palavra, insta, quer seja oportuno, quer não, corrige, repreende, exorta com toda a longanimidade e doutrina.

[3] Pois haverá tempo em que não suportarão a sã doutrina; pelo contrário, cercar-se-ão de mestres segundo as suas próprias cobiças, como que sentindo coceira nos ouvidos;

[4] e se recusarão a dar ouvidos à verdade, entregando-se às fábulas.

de. Tuigeann tú cé uathu a fuair tú an teagasc sin,

[15]agus tuigeann tú chomh maith go raibh eolas agat ó aois na hóige ar na scríbhinní naofa a bhfuil de chumas acu tú a dhéanamh eagnaí agus tú a sheoladh chun do shlánaithe trí chreideamh i gCríost Íosa.

[16]Gach cuid den scrioptúr, tá tinfeadh Dé faoi agus tá tairbhe ann chun teagasc a thabhairt, chun earráidí a bhreagnú, chun daoine a cheartú agus iad a mhúineadh chun fíréantachta

[17]ar shlí go mbeadh óglach Dé lánoilte ar a cheird agus ullamh i gcomhair gach cineál dea-oibre.

2 Tiomóid 4

Rás Rite ag Pól

[1]I bhfianaise Dé agus i bhfianaise Chríost Íosa atá chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, achtaím ort dar a thaibhsiú agus dar a ríocht

[2]an briathar a fhógairt ar do dhícheall i dtráth agus in antráth. Bí ag áiteamh, ag casaoid, ag spreagadh agus ag teagasc go foighneach gan stad.

[3]Tá an uair ag teacht nuair nach nglacfaidh daoine a thuilleadh leis an teagasc folláin. Ina ionad sin cruinneoidh siad múinteoirí ina dtimpeall a bheidh chun a dtola agus iad ar bís chun iad a chloisteáil;

[4]tabharfaidh siad an chluas bhodhar don fhírinne agus casfaidh siad ar na finscéalta.

[5] Tu, porém, sê sóbrio em todas as coisas, suporta as aflições, faze o trabalho de um evangelista, cumpre cabalmente o teu ministério.

O apóstolo prevê o seu martírio

[6] Quanto a mim, estou sendo já oferecido por libação, e o tempo da minha partida é chegado.

[7] Combati o bom combate, completei a carreira, guardei a fé.

[8] Já agora a coroa da justiça me está guardada, a qual o SENHOR, reto juiz, me dará naquele Dia; e não somente a mim, mas também a todos quantos amam a sua vinda.

O apóstolo abandonado pelos homens, não por Deus

[9] Procura vir ter comigo depressa.

[10] Porque Demas, tendo amado o presente século, me abandonou e se foi para Tessalônica; Crescente foi para a Galácia, Tito, para a Dalmácia.

[11] Somente Lucas está comigo. Toma contigo Marcos e traze-o, pois me é útil para o ministério.

[12] Quanto a Tíquico, mandei-o até Éfeso.

[13] Quando vieres, traze a capa que deixei em Trôade, em casa de Carpo, bem como os livros, especialmente os pergaminhos.

[14] Alexandre, o latoeiro, causou-me muitos males; o SENHOR lhe dará a paga segundo as suas obras.

[5]Ach bíse stuama staidéartha i ngach ní; cuir suas leis an gcruatan, déan do ghnó mar shoiscéalaí, comhlíon do dhualgas.

[6]I dtaca liom féin de, táim do mo dhoirteadh amach cheana féin mar a bheadh deoch íobartha agus tá uair na scarúna buailte liom.

[7]Tá an comhrac maith tugtha agam, tá mo rás rite, tá an creideamh coinnithe agam.

[8]Tá craobh na fíréantachta in áirithe dom feasta agus bronnfaidh an Tiarna féin, an breitheamh cóir, orm í an lá sin agus ní ormsa amháin é ach ar an uile dhuine a bheidh ag tnúth lena thaibhsiú.

Comhairleacha Deireanacha

[9]Déan do dhícheall teacht chugam go luath.

[10]Mar thit Déamas i ngrá leis an saol seo, thréig sé mé agus d'imigh leis go Teasaloinicé. D'imigh Créiscéas go Galait agus Títeas go Dalmait.

[11]Níl i mo theannta anois ach Lúcás. Faighse Marcas agus beir leat é, mar ba mhór an chabhair dom é i mo ghnó.

[12]Chuir mé Tichiceas chun siúil go hEifeasas.

[13]Nuair a bheidh tú ag teacht beir leat an clóca a d'fhág mé ag Carpas i dTróas agus beir leat na leabhair chomh maith, go háirithe na meamraim.

[14]Is mór an dochar a rinne Alastar, an gabha copair, dom ach cúiteoidh an Tiarna a ghníomhartha leis.

[15] Tu, guarda-te também dele, porque resistiu fortemente às nossas palavras.

[16] Na minha primeira defesa, ninguém foi a meu favor; antes, todos me abandonaram. Que isto não lhes seja posto em conta!

[17] Mas o SENHOR me assistiu e me revestiu de forças, para que, por meu intermédio, a pregação fosse plenamente cumprida, e todos os gentios a ouvissem; e fui libertado da boca do leão.

[18] O SENHOR me livrará também de toda obra maligna e me levará salvo para o seu reino celestial. A ele, glória pelos séculos dos séculos. Amém!

As saudações finais e a bênção

[19] Saúda Prisca, e Áqüila, e a casa de Onesíforo.

[20] Erasto ficou em Corinto. Quanto a Trófimo, deixei-o doente em Mileto.

[21] Apressa-te a vir antes do inverno. Êubulo te envia saudações; o mesmo fazem Prudente, Lino, Cláudia e os irmãos todos.

[22] O SENHOR seja com o teu espírito. A graça seja convosco.

[15]Seachainse tú féin air siúd mar is dian a chuir sé i gcoinne ár dteagaisc.

[16]Ag plé mo chúise dom don chéad uair ní raibh duine ar bith a sheas ceart dom; thréig an uile dhuine mé. Nár agraí Dia orthu é.

[17]Sheas an Tiarna liom, áfach, agus thug an neart dom go bhfógróinn an teachtaireacht ina hiomláine agus go n-éisteodh na gintlithe uile léi. Saoradh mé ó bhéal an leoin

[18]agus saorfaidh an Tiarna mé ó gach olc agus tabharfaidh sé slán chun a ríochta ar neamh mé, moladh go deo leis. Amen.

Beannachtaí

[19]Beir beannacht uaim go Priosca agus Acula agus go teaghlach Onaesaforas.

[20]D'fhan Earastas i gCorant agus d'fhág mé Troifimeas i Miléatas de bhrí go raibh sé breoite.

[21]Déan do dhícheall teacht roimh an ngeimhreadh. Cuireann Eubúlas agus Púdaes agus Líonas agus Clóide agus na bráithre ar fad a mbeannacht chugat.

[22]Go raibh an Tiarna Íosa leat. Grásta go raibh agaibh.

Epístola de Paulo a Tito

Tito 1

Prefácio e saudação

[1] Paulo, servo de Deus e apóstolo de Jesus Cristo, para promover a fé que é dos eleitos de Deus e o pleno conhecimento da verdade segundo a piedade,

[2] na esperança da vida eterna que o Deus que não pode mentir prometeu antes dos tempos eternos

[3] e, em tempos devidos, manifestou a sua palavra mediante a pregação que me foi confiada por mandato de Deus, nosso Salvador,

[4] a Tito, verdadeiro filho, segundo a fé comum, graça e paz, da parte de Deus Pai e de Cristo Jesus, nosso Salvador.

Deveres e qualificações dos ministros

[5] Por esta causa, te deixei em Creta, para que pusesses em ordem as coisas restantes, bem como, em cada cidade, constituísses presbíteros, conforme te prescrevi:

[6] alguém que seja irrepreensível, marido de uma só mulher, que tenha filhos crentes que não são acusados de dissolução, nem são insubordinados.

[7] Porque é indispensável que o bispo seja irrepreensível como despenseiro de Deus, não arrogante, não irascível, não dado ao

Títeas

Títeas 1

Beannú

[1]Mise Pól, seirbhíseach do Dhia agus aspal le hÍosa Críost agus é mar fheidhm agam an creideamh a thabhairt dóibh sin atá tofa ag Dia agus iad a chur ar eolas na fírinne a sheolann chun na cráifeachta iad [2]le súil go mbainfidís amach an bheatha shíoraí. Gheall Dia, nár thug éitheach riamh, an bheatha seo dúinn roimh thús aimsire

[3]agus san uain chuí nocht sé a bhriathar dúinn san fhorógra a cuireadh ina chúram ormsa ar ordú Dé, ár slánaitheoir.

[4]Guím grásta agus síocháin ó Dhia an tAthair agus ónár Slánaitheoir Críost Íosa ar Thíteas, mo mhac dílis sa chreideamh atá i bpáirt againn.

Eagrú na hEaglaise i gCréit

[5]Is é fáth ar fhág mé i gCréit thú, go gcuirfeá ord agus eagar ar an obair a bhí fós le déanamh agus go gceapfá seanóirí i ngach baile de réir na dtreoracha a thug mé duit:

[6]bíodh gach seanóir acu gan cháim, agus gan é bheith pósta ach aon uair amháin, agus a chlann a bheith ina gcreidmhigh agus gan drabhlás ná easumhlaíocht a bheith le casadh leo.

[7]Mar, ós maor do Dhia an t-uachtarán ní mór dó bheith gan locht, gan bheith ceanndána ná taghdach ná óltach ná achrannach ná amplach,

vinho, nem violento, nem cobiçoso de torpe ganância;

[8] antes, hospitaleiro, amigo do bem, sóbrio, justo, piedoso, que tenha domínio de si,

[9] apegado à palavra fiel, que é segundo a doutrina, de modo que tenha poder tanto para exortar pelo reto ensino como para convencer os que o contradizem.

Os falsos mestres e as falsas doutrinas

[10] Porque existem muitos insubordinados, palradores frívolos e enganadores, especialmente os da circuncisão.

[11] É preciso fazê-los calar, porque andam pervertendo casas inteiras, ensinando o que não devem, por torpe ganância.

[12] Foi mesmo, dentre eles, um seu profeta, que disse: Cretenses, sempre mentirosos, feras terríveis, ventres preguiçosos.

[13] Tal testemunho é exato. Portanto, repreende-os severamente, para que sejam sadios na fé

[14] e não se ocupem com fábulas judaicas, nem com mandamentos de homens desviados da verdade.

[15] Todas as coisas são puras para os puros; todavia, para os impuros e descrentes, nada é puro. Porque tanto a mente como a consciência deles estão corrompidas.

[8]ach é bheith fáilteach, dea-mhéineach, stuama, cóir, diaganta, staidéartha.

[9]Ní mór dó cloí go dlúth leis an teagasc fíor mar a múineadh dó féin é, i dtreo go mbeidh ar a chumas daoine eile a spreagadh leis an oideas folláin céanna agus lucht a bhréagnaithe a cheartú.

[10]Mar tá a lán daoine ann atá easumhal, go háirithe iad siúd de bhuíon an timpeallghearrtha, agus cuireann siad daoine ar mearbhall lena gcuid baothchainte.

[11]Ní mór iad sin a chur ina dtost, mar go múineann siad nithe nach cuí agus go gcuireann siad teaghlaigh iomlána ó rath ar mhaithe le breis shuarach.

[12]Is é a dúirt duine acu féin, teanga labhartha dá gcuid: “Ní raibh sna Créitigh riamh ach lucht éithigh agus brúideanna mallaithe agus craosairí díomhaoine.”

[13]Agus is fíor an fhianaise í sin. Déansa iad a cheartú go géar, dá bhrí sin, i dtreo go mbeidh an creideamh folláin acu

[14]in ionad iad bheith ag tabhairt cluaise d'fhinscéalta Giúdacha agus do rialacha daoine a thugann cúl leis an bhfírinne.

[15]Iad sin atá glan iad féin, is glan leo gach aon ní; ach iad siúd atá salaithe agus neamhchreidmheach, ní glan leo rud ar bith mar go bhfuil an aigne agus an coinsias truaillithe iontu.

[16] No tocante a Deus, professam conhecê-lo; entretanto, o negam por suas obras; é por isso que são abomináveis, desobedientes e reprovados para toda boa obra.

[16]Maíonn siad go bhfuil aithne acu ar Dhia ach bréagnaíonn siad é lena ngníomhartha mar is daoine gráiniúla ceanndána iad agus gan d'acmhainn iontu rud ar bith fónta a dhéanamh.

Tito 2

Os deveres das várias classes de pessoas crentes

[1] Tu, porém, fala o que convém à sã doutrina.

[2] Quanto aos homens idosos, que sejam temperantes, respeitáveis, sensatos, sadios na fé, no amor e na constância.

[3] Quanto às mulheres idosas, semelhantemente, que sejam sérias em seu proceder, não caluniadoras, não escravizadas a muito vinho; sejam mestras do bem,

[4] a fim de instruírem as jovens recém-casadas a amarem ao marido e a seus filhos,

[5] a serem sensatas, honestas, boas donas de casa, bondosas, sujeitas ao marido, para que a palavra de Deus não seja difamada.

[6] Quanto aos moços, de igual modo, exorta-os para que, em todas as coisas, sejam criteriosos.

[7] Torna-te, pessoalmente, padrão de boas obras. No ensino, mostra integridade, reverência,

[8] linguagem sadia e irrepreensível, para que o adversário seja envergonhado, não tendo indignidade nenhuma que dizer a nosso respeito.

Títeas 2

An Teagasc Folláin d'Aicmí Éagsúla

[1]Bíodh d'fhocailse, áfach, ag teacht leis an teagasc folláin.

[2]Abair leis na fir scothaosta a bheith stuama staidéartha measartha agus a bheith go daingean sa chreideamh, sa ghrá agus san fhoighne.

[3]Abair leis na mná scothaosta mar an gcéanna iad féin a iompar mar a oireann do mhná diaganta, gan bheith cúlchainteach ná tugtha don ól ach iad a thabhairt dea-theagaisc

[4]d'fhonn a thabhairt ar na mná óga bheith ceanúil ar a bhfir chéile agus ar a bpáistí

[5]agus bheith ciallmhar, geanmnaí, tíosach, cineálta agus faoi smacht a bhfear, le heagla go gcaithfí dímheas ar bhriathar Dé.

[6]Ar an gcuma chéanna abair leis na hógánaigh bheith stuama staidéartha

[7]agus bíse féin i d'eiseamláir acu ar gach cineál dea-iompair: ar ghlaine do theagaisc, ar stuaim

[8]agus ar chomhrá folláin gan locht, rud a chuirfidh mearbhall ar do chéile comhraic toisc gan aon ní táir a bheith aige le casadh linn.

[9] Quanto aos servos, que sejam, em tudo, obedientes ao seu senhor, dando-lhe motivo de satisfação; não sejam respondões,

[10] não furtem; pelo contrário, dêem prova de toda a fidelidade, a fim de ornarem, em todas as coisas, a doutrina de Deus, nosso Salvador.

Os gloriosos benefícios da graça salvadora de Cristo

[11] Porquanto a graça de Deus se manifestou salvadora a todos os homens,

[12] educando-nos para que, renegadas a impiedade e as paixões mundanas, vivamos, no presente século, sensata, justa e piedosamente,

[13] aguardando a bendita esperança e a manifestação da glória do nosso grande Deus e Salvador Cristo Jesus,

[14] o qual a si mesmo se deu por nós, a fim de remir-nos de toda iniqüidade e purificar, para si mesmo, um povo exclusivamente seu, zeloso de boas obras.

[15] Dize estas coisas; exorta e repreende também com toda a autoridade. Ninguém te despreze.

Tito 3

A obediência às autoridades. A salvação pela graça leva às boas obras

[1] Lembra-lhes que se sujeitem aos que governam, às autoridades; sejam obedientes, estejam prontos para toda boa obra,

[9]Abair leis na seirbhísigh bheith umhal dá máistrí agus bheith ómósach i ngach ní. Agus in ionad bheith tagrach

[10]nó ag déanamh mionghadaíochta, cruthaídís go bhfuil siad dílis ar fad, agus sa tslí sin tabhóidh siad clú do theagasc Dé, ár slánaitheoir, i ngach ní.

[11]Mar tá grásta Dé foilsithe anois, ag cur slánú ar fáil don uile dhuine.

[12]Múineann sé dúinn cúl a thabhairt leis an éagráifeacht agus leis na mianta saolta agus maireachtáil sa ré atá anois ann go stuama ionraic diaganta,

[13]fad a bheimid ag feitheamh le fíoradh ár ndóchais bheannaithe, le taibhsiú glórmhar ár nDé mhóir agus ár dTiarna Íosa Críost.

[14]Thug seisean é féin suas ar ár son chun sinn a fhuascailt ó gach urchóid agus chun pobal ar leith a íonghlanadh dó féin, pobal a bheadh cíocrach chun dea-oibreacha.

[15]Abair an méid sin leo; spreag agus ceartaigh iad le lánúdarás. Agus ná lig do dhuine ar bith tú a dhíspeagadh.

Títeas 3

Dualgais an Chríostaí

[1]Cuir i gcuimhne dóibh bheith umhal do rialtóirí agus do lucht ceannais; bheith géilliúil agus ullamh chun gach gníomh fónta a dhéanamh;

[2] não difamem a ninguém; nem sejam altercadores, mas cordatos, dando provas de toda cortesia, para com todos os homens.

[3] Pois nós também, outrora, éramos néscios, desobedientes, desgarrados, escravos de toda sorte de paixões e prazeres, vivendo em malícia e inveja, odiosos e odiando-nos uns aos outros.

[4] Quando, porém, se manifestou a benignidade de Deus, nosso Salvador, e o seu amor para com todos,

[5] não por obras de justiça praticadas por nós, mas segundo sua misericórdia, ele nos salvou mediante o lavar regenerador e renovador do Espírito Santo,

[6] que ele derramou sobre nós ricamente, por meio de Jesus Cristo, nosso Salvador,

[7] a fim de que, justificados por graça, nos tornemos seus herdeiros, segundo a esperança da vida eterna.

[8] Fiel é esta palavra, e quero que, no tocante a estas coisas, faças afirmação, confiadamente, para que os que têm crido em Deus sejam solícitos na prática de boas obras. Estas coisas são excelentes e proveitosas aos homens.

[9] Evita discussões insensatas, genealogias, contendas e debates sobre a lei; porque não têm utilidade e são fúteis.

[2]gan míchlú a chur ar dhuine ar bith ach bheith síochánta, cneasta, cineálta leis an uile dhuine ina n-iompar ar fad.

[3]Bhíomar féin gan chiall tráth; bhíomar easumhal agus ar seachrán, bhíomar tugtha d'ainmhianta agus do phléisiúir den uile shórt; bhíomar lán d'urchóid agus d'fhormad; bhíomar gráiniúil agus bhí fuath againn dá chéile.

[4]Ach nuair a nochtadh cineáltas Dé, ár slánaitheoir, agus a ghrá don chine daonna, shaor sé sinn.

[5]Agus ní de bharr aon dea-oibreacha fíréantachta a bheith déanta againne é ach as ucht a thrócaire féin. Shaor sé sinn trí fhothragadh na hathghiniúna agus trínár n-athnuachan ag an Spiorad Naomh.

[6]Dháil sé an Spiorad orainn go fras trí Íosa Críost ár slánaitheoir

[7]chun go bhfíréanófaí sinn lena ghrásta agus go mbeimis inár n-oidhrí aige agus súil againn leis an mbeatha shíoraí.

[8]Is barántúil an ráiteas é sin, agus ba mhaith liom go gcuirfeása teannadh leis an méid sin, i dtreo, an mhuintir a chreideann i nDia, go gcaithfidís a ndúthracht le dea-oibreacha. Is maith iad na dea-oibreacha iontu féin agus is tairbheach iad do dhaoine.

[9]Ar an taobh eile, áfach, seachain na díospóireachtaí baotha agus na ginealaigh agus na hachrainn agus na conspóidí i dtaobh an dlí, mar nach bhfuil tairbhe ná éifeacht iontu.

[10] Evita o homem faccioso, depois de admoestá-lo primeira e segunda vez,

[11] pois sabes que tal pessoa está pervertida, e vive pecando, e por si mesma está condenada.

As recomendações particulares. As saudações finais. A bênção

[12] Quando te enviar Ártemas ou Tíquico, apressa-te a vir até Nicópolis ao meu encontro. Estou resolvido a passar o inverno ali.

[13] Encaminha com diligência Zenas, o intérprete da lei, e Apolo, a fim de que não lhes falte coisa alguma.

[14] Agora, quanto aos nossos, que aprendam também a distinguir-se nas boas obras a favor dos necessitados, para não se tornarem infrutíferos.

[15] Todos os que se acham comigo te saúdam; saúda quantos nos amam na fé. A graça seja com todos vós.

[10]An duine a bhíonn ag cothú easaontais, tabhair foláireamh dó uair nó dhó agus cuir suas de as sin amach.

[11]Bíodh a fhios agat go bhfuil a leithéid sin claon agus ag déanamh peaca agus go bhfuil sé daortha as a bhéal féin.

Beannachtaí

[12]Nuair a sheolfaidh mé Artamas nó Tichiceas chugat, brostaighse chugam go Niocopoil mar is ansin atá beartaithe agam an geimhreadh a thabhairt.

[13]Tabhair do d'aire go gcuirfear Zaenas dlíodóir agus Apollós chun siúil agus nach mbeidh aon ní in easnamh orthu.

[14]Foghlaimíodh ár muintir nach mór dóibh bheith i mbun dea-oibreacha chun riar a gcáis a sholáthar agus gan bheith neamhthorthúil.

[15]Cuireann a bhfuil anseo liom a mbeannacht chugat. Beannaigh dóibh sin a thugann grá dúinn sa chreideamh. Grásta go raibh agaibh go léir.

Epístola de Paulo a Filemom

Filemom 1

Prefácio e saudação

[1] Paulo, prisioneiro de Cristo Jesus, e o irmão Timóteo, ao amado Filemom, também nosso colaborador,

[2] e à irmã Áfia, e a Arquipo, nosso companheiro de lutas, e à igreja que está em tua casa,

[3] graça e paz a vós outros, da parte de Deus, nosso Pai, e do SENHOR Jesus Cristo.

Ação de graças

[4] Dou graças ao meu Deus, lembrando-me, sempre, de ti nas minhas orações,

[5] estando ciente do teu amor e da fé que tens para com o SENHOR Jesus e todos os santos,

[6] para que a comunhão da tua fé se torne eficiente no pleno conhecimento de todo bem que há em nós, para com Cristo.

[7] Pois, irmão, tive grande alegria e conforto no teu amor, porquanto o coração dos santos tem sido reanimado por teu intermédio.

Paulo intercede em favor de Onésimo

[8] Pois bem, ainda que eu sinta plena liberdade em Cristo para te ordenar o que convém,

[9] prefiro, todavia, solicitar em nome do amor, sendo o que sou, Paulo, o velho e, agora, até prisioneiro de Cristo Jesus;

Filéamón

Filéamón 1

[1]Mise Pól, géibheannach ar son Íosa Críost, agus an bráthair Tiomóid, beannaímid dár gcara agus dár gcomhoibrí Filéamón,

[2]don tsiúr Aipfia agus dár gcomhshaighdiúir, Airchipeas, agus don eaglais a bhíonn i do theach agat.

[3]Grásta chugaibh agus síocháin ó Dhia ár nAthair agus ón Tiarna Íosa Críost.

[4]Gabhaim buíochas le mo Dhia gach uair dá gcuimhním ort i m'urnaithe.

[5]Mar tá iomrá á chlos agam ar an gcreideamh agus ar an ngrá atá agat i leith an Tiarna Íosa agus an phobail naofa uile.

[6]Is é mo ghuí go gcuirfidh an creideamh atá i bpáirt againn ar do chumas duit gach maith atá againn i gCríost a thuiscint.

[7]Ba mhór an lúcháir agus an sólás domsa an grá sin agatsa, a bhráthair, mar go bhfuil croí á thabhairt agat don phobal naofa.

[8]Más ea, cé go bhfuil misneach mo dhóthain agam i gCríost chun ordú a thabhairt duit an rud ceart a dhéanamh, mar sin féin

[9]is fearr liom as ucht an mhuintearais é a iarraidh d'achainí ort - mise Pól, atá i mo thoscaire agus i mo ghéibheannach freisin faoi láthair thar ceann Íosa Críost,

[10] sim, solicito-te em favor de meu filho Onésimo, que gerei entre algemas.

[11] Ele, antes, te foi inútil; atualmente, porém, é útil, a ti e a mim.

[12] Eu to envio de volta em pessoa, quero dizer, o meu próprio coração.

[13] Eu queria conservá-lo comigo mesmo para, em teu lugar, me servir nas algemas que carrego por causa do evangelho;

[14] nada, porém, quis fazer sem o teu consentimento, para que a tua bondade não venha a ser como que por obrigação, mas de livre vontade.

[15] Pois acredito que ele veio a ser afastado de ti temporariamente, a fim de que o recebas para sempre,

[16] não como escravo; antes, muito acima de escravo, como irmão caríssimo, especialmente de mim e, com maior razão, de ti, quer na carne, quer no SENHOR.

[17] Se, portanto, me consideras companheiro, recebe-o, como se fosse a mim mesmo.

[18] E, se algum dano te fez ou se te deve alguma coisa, lança tudo em minha conta.

[19] Eu, Paulo, de próprio punho, o escrevo: Eu pagarei – para não te alegar que também tu me deves até a ti mesmo.

[20] Sim, irmão, que eu receba de ti, no SENHOR, este benefício. Reanima-me o coração em Cristo.

Comunicações pessoais. Saudações e bênção

[10]tá achainí le hiarraidh agam ort ar son Onaesamas, ar son an mhic úd agam a ghineas i ngéibheann.

[11]Ba bheag an chabhair duitse tráth é ach is fóinteach duitse agus domsa anois é.

[12]Is é cnú mo chroí é ach táim á chur ar ais chugat,

[13]cé go mb'fhearr liom é a choimeád agam chun freastal orm thar do cheannsa, fad atáim i ngéibheann ar son an dea-scéil.

[14]Ach níor mhaith liom aon ní a dhéanamh gan do cheadsa, le heagla gur faoi éigean a dhéanfá an mhaith agus nach de do dheoin féin é.

[15]B'fhéidir gurb é fáth a raibh sé scartha leat ar feadh tamaill, i dtreo go bhfaighfeá seilbh shíoraí air,

Creideamh agus Dea-Oibreacha

[14]Cén tairbhe é, a bhráithre liom, má deir duine go bhfuil creideamh aige, ach é gan dea-oibreacha? An féidir don chreideamh é a shábháil?

[15]Má tá deartháir nó deirfiúr gan éadach agus gan cuid an lae de bhia acu,

[16]agus go ndeir duine agaibhse leo: “Imígí faoi shíocháin; faighigí goradh agus ithigí bhur sáith,” agus nach dtugann sibh riachtanais na beatha dóibh, cén tairbhe é?

[17]Sé a fhearacht sin ag an gcreideamh é. Tá sé marbh leis féin gan dea-oibreacha.

[18] Mas alguém dirá: Tu tens fé, e eu tenho obras; mostra-me essa tua fé sem as obras, e eu, com as obras, te mostrarei a minha fé.

[18]Ach déarfaidh duine éigin: “Tá creideamh agatsa agus tá dea-oibreacha agamsa.” Taispeáin dom do chreideamh in éagmais do dhea-oibreacha, agus taispeánfaidh mise mo chreideamh duitse trí mo dhea-oibreacha.

[19] Crês, tu, que Deus é um só? Fazes bem. Até os demônios crêem e tremem.

[19]Creideann tú gurb aon é Dia, agus is maith mar a dhéanann tú; ach creideann na deamhain chomh maith, agus bíonn siad ar crith.

[20] Queres, pois, ficar certo, ó homem insensato, de que a fé sem as obras é inoperante?

[20]An mian leat a fhios a bheith agat, a ghliogaire, nach bhfuil aon mhaith sa chreideamh gan dea-oibreacha?

[21] Não foi por obras que Abraão, o nosso pai, foi justificado, quando ofereceu sobre o altar o próprio filho, Isaque?

[21]Nár fíréanaíodh Abrahám ár n-athair trína dhea-oibreacha nuair a d'ofráil sé a mhac Íosác ar an altóir?

[22] Vês como a fé operava juntamente com as suas obras; com efeito, foi pelas obras que a fé se consumou,

[22]Feiceann tú go raibh an creideamh i gcomhar lena dhea-oibreacha agus gur cuireadh críoch ar an gcreideamh trína dhea-oibreacha.

[23] e se cumpriu a Escritura, a qual diz: Ora, Abraão creu em Deus, e isso lhe foi imputado para justiça; e: Foi chamado amigo de Deus.

[23]Agus comhlíonadh an scrioptúr a deir: “Chreid Abrahám i nDia, agus áiríodh é sin ina leith mar fhíréantacht” agus tugadh cara Dé air.

[24] Verificais que uma pessoa é justificada por obras e não por fé somente.

[24]Is léir daoibh gur le dea-oibreacha a fhíréanaítear duine agus nach le creideamh amháin.

[25] De igual modo, não foi também justificada por obras a meretriz Raabe, quando acolheu os emissários e os fez partir por outro caminho?

[25]Ba é an dála céanna é ag Rácháb an mheirdreach, nach trí dhea-oibreacha a fíréanaíodh í nuair a ghlac sí leis na teachtairí agus gur sheol amach iad ar mhalairt bealaigh?

[26] Porque, assim como o corpo sem espírito é morto, assim também a fé sem obras é morta.

[26]Tá an corp marbh gan an t-anam agus ar an gcuma chéanna tá an creideamh marbh gan dea-oibreacha.

Tiago 3

Os pecados da língua e o dever de refreá-la

[1] Meus irmãos, não vos torneis, muitos de vós, mestres, sabendo que havemos de receber maior juízo.

[2] Porque todos tropeçamos em muitas coisas. Se alguém não tropeça no falar, é perfeito varão, capaz de refrear também todo o corpo.

[3] Ora, se pomos freio na boca dos cavalos, para nos obedecerem, também lhes dirigimos o corpo inteiro.

[4] Observai, igualmente, os navios que, sendo tão grandes e batidos de rijos ventos, por um pequeníssimo leme são dirigidos para onde queira o impulso do timoneiro.

[5] Assim, também a língua, pequeno órgão, se gaba de grandes coisas. Vede como uma fagulha põe em brasas tão grande selva!

[6] Ora, a língua é fogo; é mundo de iniqüidade; a língua está situada entre os membros de nosso corpo, e contamina o corpo inteiro, e não só põe em chamas toda a carreira da existência humana, como também é posta ela mesma em chamas pelo inferno.

[7] Pois toda espécie de feras, de aves, de répteis e de seres marinhos se doma e tem sido domada pelo gênero humano;

[8] a língua, porém, nenhum dos homens é capaz de domar; é mal incontido, carregado de veneno mortífero.

Séamas 3

An Teanga

[1]A bhráithre liom, ná bíodh mórán agaibh in bhur dteagascóirí, mar tá a fhios agaibh go dtabharfar breith níos déine orainne.

[2]Is iomaí slí ina bpeacaímid go léir agus an té nach bpeacaíonn ó bhriathar is duine foirfe eisean, agus é ar a chumas an cholainn ar fad a shrianadh.

[3]Má chuirimid béalbhach i mbéal na gcapall d'fhonn go ngéillfidís dúinn, bíonn a dtoirt go léir faoinár stiúir.

[4]Tóg na báid féin, dá mhéid iad, agus fiú má bhíonn siad á séideadh ag na gálaí, déantar iad a stiúradh le stiúir bhídeach cibé áit is mian leis an bpíolóta de réir mar bhuaileann an fonn é.

[5]Níl sa teanga ach oiread ach ball beag, ach tá bearta móra á maíomh aici. Féach nach beag an lasair a chuireann foraois mhór trí thine!

[6]Lasair an teanga chomh maith; is domhan coirpeachta í an teanga i measc ár mball, agus í ag truailliú an choirp ar fad, ag cur cúrsa an tsaoil trí thine, agus ifreann á cur féin ar lasadh.

[7]Is féidir don chineál daonna gach cineál ainmhí agus éin agus nathrach agus míol farraige a cheansú, agus tá sin déanta acu,

[8]ach ní féidir d'aon duine daonna an teanga a cheansú; plá í atá ag réabadh léi agus í lán de nimh mharfach.

[9] Com ela, bendizemos ao SENHOR e Pai; também, com ela, amaldiçoamos os homens, feitos à semelhança de Deus.

[10] De uma só boca procede bênção e maldição. Meus irmãos, não é conveniente que estas coisas sejam assim.

[11] Acaso, pode a fonte jorrar do mesmo lugar o que é doce e o que é amargoso?

[12] Acaso, meus irmãos, pode a figueira produzir azeitonas ou a videira, figos? Tampouco fonte de água salgada pode dar água doce.

A sabedoria lá do alto

[13] Quem entre vós é sábio e inteligente? Mostre em mansidão de sabedoria, mediante condigno proceder, as suas obras.

[14] Se, pelo contrário, tendes em vosso coração inveja amargurada e sentimento faccioso, nem vos glorieis disso, nem mintais contra a verdade.

[15] Esta não é a sabedoria que desce lá do alto; antes, é terrena, animal e demoníaca.

[16] Pois, onde há inveja e sentimento faccioso, aí há confusão e toda espécie de coisas ruins.

[17] A sabedoria, porém, lá do alto é, primeiramente, pura; depois, pacífica, indulgente, tratável, plena de misericórdia e de bons frutos, imparcial, sem fingimento.

[9]Is léi a bheannaímid an Tiarna agus ár nAthair; agus is léi chomh maith a mhallaímid daoine cé go bhfuil siad déanta ar dheilbh Dé.

[10]Tagann an bheannacht agus an mhallacht as an mbéal céanna. Níor cheart go mbeadh sin amhlaidh, a bhráithre liom.

[11]An ndéanann an tobar idir fhíoruisce agus uisce goirt a sceitheadh as an aon súil?

[12]An féidir, a bhráithre liom, don chrann fígí ológa a iompar nó don fhíniúin fígí a iompar? Ní mó ná sin is féidir don sáile fíoruisce a iompar.

An Eagna Fhíre agus Spiorad an tSaoil

[13]Cé tá eagnaí agus tuisceanach in bhur measc? Taispeánadh sé a dhea-oibreacha in umhlaíocht na heagna lena iompar fónta.

[14]Ach má tá éad searbh oraibh agus uaillmhian doicheallach in bhur gcroí, ná bígí ag maíomh ná ag bréagnú na fírinne.

[15]Ní anuas ó lastuas a thagann an sórt sin eagna, ach tá sí talmhaí, neamhspioradálta, agus diabhlaí.

[16]Mar a mbíonn éad agus uaillmhian dhoicheallach, bíonn corrthónacht agus gach sort drochbhirt.

[17]Ach an eagna ó lastuas tá sí ar dtús íon, ansin síochánta, cineálta, sochomhairlithe, lán de thrócaire agus de dhea-thorthaí, gan leathchuma, gan cur i gcéill.

[18] Ora, é em paz que se semeia o fruto da justiça, para os que promovem a paz.

Tiago 4

A origem das contendas

[1] De onde procedem guerras e contendas que há entre vós? De onde, senão dos prazeres que militam na vossa carne?

[2] Cobiçais e nada tendes; matais, e invejais, e nada podeis obter; viveis a lutar e a fazer guerras. Nada tendes, porque não pedis;

[3] pedis e não recebeis, porque pedis mal, para esbanjardes em vossos prazeres.

[4] Infiéis, não compreendeis que a amizade do mundo é inimiga de Deus? Aquele, pois, que quiser ser amigo do mundo constitui-se inimigo de Deus.

[5] Ou supondes que em vão afirma a Escritura: É com ciúme que por nós anseia o Espírito, que ele fez habitar em nós?

[6] Antes, ele dá maior graça; pelo que diz: Deus resiste aos soberbos, mas dá graça aos humildes.

[7] Sujeitai-vos, portanto, a Deus; mas resisti ao diabo, e ele fugirá de vós.

[8] Chegai-vos a Deus, e ele se chegará a vós outros. Purificai as mãos, pecadores; e vós que sois de ânimo dobre, limpai o coração.

[18]Síolann lucht déanta na síochána an síol a thabharfaidh fómhar na fíréantachta, go síochánta.

Séamas 4

Easaontas

[1]Cad faoi deara cogaí agus cathanna a bheith in bhur measc? Nach é seo, go bhfuil bhur n-ainmhianta ag troid le chéile in bhur mbaill bheatha?

[2]Santaíonn sibh rud éigin agus níl sé agaibh; maraíonn sibh agus lorgann sibh, ach ní féidir daoibh teacht air; fearann sibh cath agus cogadh, ach ní fhaigheann sibh seilbh mar nach n-iarrann sibh.

[3]Iarrann sibh rud, ach ní fhaigheann sibh mar nach n-iarrann sibh go cuí, ach lena chaitheamh ar bhur n-ainmhianta.

[4]A striapacha, nach bhfuil a fhios agaibh gur cuma cairdeas an tsaoil seo nó eascairdeas Dé? Dá bhrí sin an té ar mian leis a bheith ina chara ag an saol seo, déanann sé namhaid Dé de féin.

[5]Nó an dóigh libh gur gan fáth a deir an scrioptúr: "Bíonn sé ag tnúth le héad leis an spiorad a chuir sé a chónaí ionainn?"

[6]Ach tugann sé breis grásta, agus uime sin deir sé: "Cuireann Dia in aghaidh lucht an uabhair, ach tugann sé grásta do lucht na huirísleachta."

[7]Géilligí dá bhrí sin do Dhia; cuirigí i gcoinne an diabhail agus teithfidh sé uaibh.

[8]Druidigí i gcóngar Dé agus druidfidh Dia in bhur gcóngarsa. Nígí bhur lámha, a

pheacacha, agus glanaigí bhur gcroí, sibhse atá ag cogadh le bhur n-aigne.

[9] Afligi-vos, lamentai e chorai. Converta-se o vosso riso em pranto, e a vossa alegria, em tristeza.

[9]Bígí go dearóil, ag gol is ag caoineadh. Bíodh bhur ngáire ina gol agaibh, agus bhur lúcháir ina gruaim.

[10] Humilhai-vos na presença do SENHOR, e ele vos exaltará.

[10]Déanaigí sibh féin a ísliú os comhair an Tiarna agus ardóidh sé sibh.

A maledicência é condenada

[11] Irmãos, não faleis mal uns dos outros. Aquele que fala mal do irmão ou julga a seu irmão fala mal da lei e julga a lei; ora, se julgas a lei, não és observador da lei, mas juiz.

[11]Ná bígí ag tromaíocht ar a chéile, a bhráithre. An té a dhéanann tromaíocht ar bhráthair, nó a dhaorann a bhráthair déanann sé tromaíocht ar an dlí agus daorann sé an dlí. Ach má dhaorann tú an dlí, ní á chomhlíonadh a bhíonn tú ach á dhaoradh.

[12] Um só é Legislador e Juiz, aquele que pode salvar e fazer perecer; tu, porém, quem és, que julgas o próximo?

[12]Níl ach aon reachtóir agus aon bhreitheamh amháin ann, agus tá cumhacht saortha agus scriosta aigesean. Ach cé hé tusa le breith a thabhairt ar do chomharsa?

A falibilidade dos projetos humanos

Rabhadh

[13] Atendei, agora, vós que dizeis: Hoje ou amanhã, iremos para a cidade tal, e lá passaremos um ano, e negociaremos, e teremos lucros.

[13]Féachaigí anseo sibhse a deir: “Rachaimid go dtí a leithéid seo de bhaile inniu nó amárach agus caithfímid bliain ann agus beimid ag trádáil ann agus ag déanamh airgid.”

[14] Vós não sabeis o que sucederá amanhã. Que é a vossa vida? Sois, apenas, como neblina que aparece por instante e logo se dissipa.

[14]Níl a fhios agaibh céard a tharlóidh amárach. Céard é bhur mbeo? Níl ionaibh ach mar ghal a thaibhsíonn ar feadh tamaill bhig agus a théann ar ceal ansin.

[15] Em vez disso, devíeis dizer: Se o SENHOR quiser, não só viveremos, como também faremos isto ou aquilo.

[15]In ionad a rá: “Más é toil an Tiarna é, mairfimid agus déanfaimid seo nó siúd.”

[16] Agora, entretanto, vos jactais das vossas arrogantes pretensões. Toda jactância semelhante a essa é maligna.

[16]Ach mar atá an scéal, nach sibh atá ag maíomh le barr sotail! Is olc é gach maíomh den sórt sin.

[17] Portanto, aquele que sabe que deve fazer o bem e não o faz nisso está pecando.

Tiago 5

Deus condena as riquezas mal adquiridas e mal empregadas

[1] Atendei, agora, ricos, chorai lamentando, por causa das vossas desventuras, que vos sobrevirão.

[2] As vossas riquezas estão corruptas, e as vossas roupagens, comidas de traça;

[3] o vosso ouro e a vossa prata foram gastos de ferrugens, e a sua ferrugem há de ser por testemunho contra vós mesmos e há de devorar, como fogo, as vossas carnes. Tesouros acumulastes nos últimos dias.

[4] Eis que o salário dos trabalhadores que ceifaram os vossos campos e que por vós foi retido com fraude está clamando; e os clamores dos ceifeiros penetraram até aos ouvidos do SENHOR dos Exércitos.

[5] Tendes vivido regaladamente sobre a terra; tendes vivido nos prazeres; tendes engordado o vosso coração, em dia de matança;

[6] tendes condenado e matado o justo, sem que ele vos faça resistência.

A necessidade, bênçãos e exemplo da paciência

[7] Sede, pois, irmãos, pacientes, até à vinda do SENHOR. Eis que o lavrador aguarda com paciência o precioso fruto da terra, até receber as primeiras e as últimas chuvas.

[17]An té arb eol dó céard is ceart a dhéanamh agus nach ndéanann é, is peaca dó é.

Séamas 5

[1]Féachaigí anseo anois a lucht an tsaibhris, déanaigí gol agus olagón de bharr na dtubaistí atá le teacht sa mhullach oraibh.

[2]Chuaigh lobhadh ar bhur saibhreas agus d'ith na leamhain bhur gcuid éadaigh.

[3]Tá meirg tagtha ar bhur gcuid óir agus airgid, agus beidh an mheirg orthu ina fianaise in bhur n-aghaidh agus alpfaidh sí bhur gcuid feola mar a dhéanfadh tine. Tá stór curtha i dtaisce agaibh le haghaidh na laethanta deireanacha!

[4]Féach, tuarastal na n-oibrithe a bhain fómhar bhur gcuid gort, agus a choinnigh sibh uathu go calaoiseach, tá sé ag éamh os ard; agus tá cluasa Thiarna na Slua sroichte ag éamh na mbuanaithe.

[5]Chaith sibh bhur saol ar talamh le só agus le sáile; chuir sibh saill ar bhur gcroí lá an áir.

[6]Dhaor sibh an neamhurchóideach agus mharaigh sibh é; ní chuireann sé in bhur gcoinne.

Aitheasc agus Comhairle

[7]Bíodh foighne agaibh dá bhrí sin a bhráithre go dtí teacht an Tiarna. Féach an feirmeoir agus é ag feitheamh le fómhar luachmhar na hithreach, agus foighne aige

leis nó go bhfaighe sé an fhearthainn luath agus dhéanach.

[8] Sede vós também pacientes e fortalecei o vosso coração, pois a vinda do SENHOR está próxima.

[8]Bíodh foighne agaibhse chomh maith. Bíodh misneach agaibh in bhur gcroí mar tá teacht an Tiarna lámh linn.

[9] Irmãos, não vos queixeis uns dos outros, para não serdes julgados. Eis que o juiz está às portas.

[9]Ná déanaigí casaoid ar a chéile ionas nach dtabharfar breith oraibh; féach, tá an breitheamh cheana féin i mbéal an dorais.

[10] Irmãos, tomai por modelo no sofrimento e na paciência os profetas, os quais falaram em nome do SENHOR.

[10]A bhráithre, bíodh na fáithe a labhair in ainm an Tiarna mar shampla agaibh den fhulaingt agus den fhoighne.

[11] Eis que temos por felizes os que perseveraram firmes. Tendes ouvido da paciência de Jó e vistes que fim o SENHOR lhe deu; porque o SENHOR é cheio de terna misericórdia e compassivo.

[11]Féach go bhfógraímid gurb aoibhinn dóibh siúd a sheas an fód. Chuala sibh faoi fhoighne Iób agus an chríoch a chur an Tiarna léi, mar go bhfuil sé lán de thaise agus de thrócaire.

O juramento proibido e o proceder cristão em várias experiências da vida

[12] Acima de tudo, porém, meus irmãos, não jureis nem pelo céu, nem pela terra, nem por qualquer outro voto; antes, seja o vosso sim sim, e o vosso não não, para não cairdes em juízo.

[12]Ach thar aon ní eile, a bhráithre liom, ná tugaigí mionn, dar neamh ná dar talamh, ná dar aon mhionn eile. Nuair a bhíonn “sea” le rá agaibh, abraigí “sea,” agus “ní hea” nuair is “ní hea,” ionas nach dtiocfadh an daorbhreith oraibh.

[13] Está alguém entre vós sofrendo? Faça oração. Está alguém alegre? Cante louvores.

[13]An bhfuil aon duine in bhur measc ag fulaingt? Guíodh sé. An bhfuil lúcháir ar dhuine éigin? Gabhadh sé duan molta.

[14] Está alguém entre vós doente? Chame os presbíteros da igreja, e estes façam oração sobre ele, ungindo-o com óleo, em nome do SENHOR.

[14]An bhfuil aon duine in bhur measc atá tinn? Cuireadh sé fios ar sheanóirí na heaglaise agus guídís os a chionn agus déanaidís é a ungadh le hola in ainm an Tiarna.

[15] E a oração da fé salvará o enfermo, e o SENHOR o levantará; e, se houver cometido pecados, ser-lhe-ão perdoados.

[15]Déanfaidh urnaí an chreidimh an t-othar a shlánú agus tógfaidh an Tiarna suas é agus má tá peacaí déanta aige maithfear dó iad.

[16] Confessai, pois, os vossos pecados uns aos outros e orai uns pelos outros, para serdes curados. Muito pode, por sua eficácia, a súplica do justo.	[16]Admhaígí bhur bpeacaí dá chéile agus guígí ar son a chéile ionas go leigheasfar sibh; is mór í éifeacht urnaí dhúthrachtach an duine fhíréanta.
[17] Elias era homem semelhante a nós, sujeito aos mesmos sentimentos, e orou, com instância, para que não chovesse sobre a terra, e, por três anos e seis meses, não choveu.	[17]Duine daonna ab ea Éilias leis an nádúr céanna linn féin, agus ghuigh sé go dícheallach nach ndéanfadh sé aon bháisteach, agus ní dhearna sé deoir ar an talamh ar feadh trí bliana agus sé mhí.
[18] E orou, de novo, e o céu deu chuva, e a terra fez germinar seus frutos.	[18]Ansin ghuigh sé arís agus thug an spéir an bháisteach agus thug an talamh a toradh uaithi.
[19] Meus irmãos, se algum entre vós se desviar da verdade, e alguém o converter,	[19]A bhráithre liom, má théann duine agaibh ar seachrán ón bhfírinne agus duine eile á thabhairt ar ais
[20] sabei que aquele que converte o pecador do seu caminho errado salvará da morte a alma dele e cobrirá multidão de pecados.	[20]bíodh a fhios aige, an té a chasfaidh peacach ar ais óna sheachrán slí, go sábhálfaidh sé a anam ón mbás, agus go ndéanfaidh sé a lán peacaí a chlúdach as radharc.

Primeira epístola de Pedro

1 Pedro 1

Prefácio e saudação

1 Pedro, apóstolo de Jesus Cristo, aos eleitos que são forasteiros da Dispersão no Ponto, Galácia, Capadócia, Ásia e Bitínia,

2 eleitos, segundo a presciência de Deus Pai, em santificação do Espírito, para a obediência e a aspersão do sangue de Jesus Cristo, graça e paz vos sejam multiplicadas.

Ação de graças

3 Bendito o Deus e Pai de nosso SENHOR Jesus Cristo, que, segundo a sua muita misericórdia, nos regenerou para uma viva esperança, mediante a ressurreição de Jesus Cristo dentre os mortos,

4 para uma herança incorruptível, sem mácula, imarcescível, reservada nos céus para vós outros

5 que sois guardados pelo poder de Deus, mediante a fé, para a salvação preparada para revelar-se no último tempo.

6 Nisso exultais, embora, no presente, por breve tempo, se necessário, sejais contristados por várias provações,

7 para que, uma vez confirmado o valor da vossa fé, muito mais preciosa do que o ouro perecível, mesmo apurado por fogo, redunde em louvor, glória e honra na revelação de Jesus Cristo;

8 a quem, não havendo visto, amais; no qual, não vendo agora, mas crendo,

1 Peadar

1 Peadar 1

1Peadar, aspal le hÍosa Críost, chuig deoraithe na díbeartha i bPontas, sa Ghalait, sa Chapadóise, san Áise, agus i mBitinia, an mhuintir atá tofa

2de réir oirchill Dé an tAthair, i gcoisreacan tríd an Spiorad, le humhlú d'Íosa Críost agus lena fhuil a chroitheadh orthu. Go raibh grásta agus síocháin agaibh go raidhsiúil.

Dóchas agus Slánú

3Moladh le Dia agus Athair ár dTiarna Íosa Críost! D'athghin sé sinn as ucht a mhórthrócaire, trí aiséirí Íosa Críost ó mhairbh, chun bheomhuiníne

4agus chun oidhreachta atá marthanach dothruaillithe, gan síothlú, oidhreacht atá in áirithe daoibh sna flaithis.

5Tá sibh anois do bhur gcumhdach tríd an gcreideamh ag Dia na bhfeart, le haghaidh an tslánaithe atá réidh lena fhoilsiú ag deireadh ré.

6Is údar lúcháire agaibhse é seo, fiú más dobrónach féin sibh ar feadh tamaill bhig de bharr trialacha den uile chineál,

7d'fhonn go bhfaighfí fíormhianach bhur gcreidimh, atá níos luachmhaire ná ór - rud atá somhillte cé go dtástáiltear sa tine é - ag dul chun molta agus onóra agus glóire tráth a fhoilseofar Íosa Críost.

8Ní fhaca sibh é, ach tugann sibh grá dó; ní fheiceann sibh anois féin é, ach

exultais com alegria indizível e cheia de glória,

[9] obtendo o fim da vossa fé: a salvação da vossa alma.

[10] Foi a respeito desta salvação que os profetas indagaram e inquiriram, os quais profetizaram acerca da graça a vós outros destinada,

[11] investigando, atentamente, qual a ocasião ou quais as circunstâncias oportunas, indicadas pelo Espírito de Cristo, que neles estava, ao dar de antemão testemunho sobre os sofrimentos referentes a Cristo e sobre as glórias que os seguiriam.

[12] A eles foi revelado que, não para si mesmos, mas para vós outros, ministravam as coisas que, agora, vos foram anunciadas por aqueles que, pelo Espírito Santo enviado do céu, vos pregaram o evangelho, coisas essas que anjos anelam perscrutar.

A santidade na vida

[13] Por isso, cingindo o vosso entendimento, sede sóbrios e esperai inteiramente na graça que vos está sendo trazida na revelação de Jesus Cristo.

[14] Como filhos da obediência, não vos amoldeis às paixões que tínheis anteriormente na vossa ignorância;

[15] pelo contrário, segundo é santo aquele que vos chamou, tornai-vos santos também vós mesmos em todo o vosso procedimento,

creideann sibh ann, agus is lúcháireach sibh le háthas glórmhar dolabhartha,

[9]agus slánú bhur n-anam á ghnóthú agaibh mar thoradh ar bhur gcreideamh.

[10]Na fáithe a thairngir faoin ngrásta a bhí i ndán daoibhse, is faoin slánú seo a rinne siad cuardach agus grinncheistiú.

[11]Scrúdaigh siad cén duine nó cén uain a bhí á thaispeáint ag Spiorad Íosa a bhí iontu agus é ag réamhfhógairt pháis Chríost agus na glóire a leanfadh í.

[12]Foilsíodh dóibh nach dóibh féin a bhí siad ag fónamh ach daoibhse i gcás na nithe atá fógraithe daoibhse anois acu siúd a chraol an dea-scéal daoibh le cabhair an Spioraid Naoimh a seoladh ó neamh, nithe a mbíonn na haingil féin ag tnúth le sracfhéachaint a fháil orthu.

Dea-Bheatha ar son Dé

[13]Dá bhrí sin cuirigí bhur n-aigne i gcóir chun oibre, bígí stuama, agus bíodh bhur muinín go hiomlán as an ngrásta a dháilfear oraibh nuair a fhoilseofar Íosa Críost.

[14]Dála leanaí géilliúla, ná téigí i gcosúlacht ainmhianta an aineolais ina raibh sibh cheana,

[15]ach amhail is naofa eisean a ghlaoigh oraibh, bígí-se naofa in bhur n-iompar go léir,

[16] porque escrito está: Sede santos, porque eu sou santo.

[16]mar tá scríofa: “Bígí naofa mar go bhfuilimse naofa.”

[17] Ora, se invocais como Pai aquele que, sem acepção de pessoas, julga segundo as obras de cada um, portai-vos com temor durante o tempo da vossa peregrinação,

[17]Má thugann sibh Athair ar an té sin a thugann breith gan leathchuma ar gach duine de réir a bhirt, ní foláir daoibh sibh féin a iompar go heaglach le linn bhur ndeoraíochta.

[18] sabendo que não foi mediante coisas corruptíveis, como prata ou ouro, que fostes resgatados do vosso fútil procedimento que vossos pais vos legaram,

[18]Óir is feasach sibh nach le nithe sothruaillithe mar ór nó airgead a fuasclaíodh sibh ó bhur n-iompar baoth a fuair sibh mar oidhreacht ó bhur n-aithreacha,

[19] mas pelo precioso sangue, como de cordeiro sem defeito e sem mácula, o sangue de Cristo,

[19]ach le fuil luachmhar Chríost, amhail fuil uain gan mháchail gan cháim.

[20] conhecido, com efeito, antes da fundação do mundo, porém manifestado no fim dos tempos, por amor de vós

[20]Bhí aithne air cheana féin roimh chruthú an domhain, ach foilsíodh é i ndeireadh ré ar bhur sonsa

[21] que, por meio dele, tendes fé em Deus, o qual o ressuscitou dentre os mortos e lhe deu glória, de sorte que a vossa fé e esperança estejam em Deus.

[21]a chreideann trídsean i nDia, a thóg ó mhairbh é, agus a thug glóir dó, le go mbeadh creideamh agus dóchas agaibhse i nDia.

A santidade no amor

[22] Tendo purificado a vossa alma, pela vossa obediência à verdade, tendo em vista o amor fraternal não fingido, amai-vos, de coração, uns aos outros ardentemente,

[22]Rinne sibh bhur n-anam a íonghlanadh trí umhlú don fhírinne le haghaidh grá gan cur i gcéill do na bráithre; tugaigí grá díograiseach dá chéile, más ea, ó chroí glan.

[23] pois fostes regenerados não de semente corruptível, mas de incorruptível, mediante a palavra de Deus, a qual vive e é permanente.

[23]Ní ó aon síol sothruaillithe a gineadh as an nua sibh, ach ó shíol dothruaillithe trí bhriathar Dé bheo shíoraí.

[24] Pois toda carne é como a erva, e toda a sua glória, como a flor da erva; seca-se a erva, e cai a sua flor;

[24]“Mar tá an uile fheoil mar an bhféar, agus níl ina glóir go léir ach mar bhláth an fhéir;

[25] a palavra do SENHOR, porém, permanece eternamente. Ora, esta é a palavra que vos foi evangelizada.

1 Pedro 2

Os crentes são a casa espiritual edificada em Cristo

[1] Despojando-vos, portanto, de toda maldade e dolo, de hipocrisias e invejas e de toda sorte de maledicências,
[2] desejai ardentemente, como crianças recém-nascidas, o genuíno leite espiritual, para que, por ele, vos seja dado crescimento para salvação,
[3] se é que já tendes a experiência de que o SENHOR é bondoso.
[4] Chegando-vos para ele, a pedra que vive, rejeitada, sim, pelos homens, mas para com Deus eleita e preciosa,
[5] também vós mesmos, como pedras que vivem, sois edificados casa espiritual para serdes sacerdócio santo, a fim de oferecerdes sacrifícios espirituais agradáveis a Deus por intermédio de Jesus Cristo.
[6] Pois isso está na Escritura: Eis que ponho em Sião uma pedra angular, eleita e preciosa; e quem nela crer não será, de modo algum, envergonhado.
[7] Para vós outros, portanto, os que credes, é a preciosidade; mas, para os descrentes, A pedra que os construtores rejeitaram, essa veio a ser a principal pedra, angular
[8] e: Pedra de tropeço e rocha de ofensa. São estes os que tropeçam na palavra,

[25]Ach maireann briathar an Tiarna go deo.” Agus is é an briathar sin an dea-scéal a fógraíodh daoibh.

1 Peadar 2

An tSagartacht Nua

[1]Caithigí i leataobh uaibh, más ea, gach mailís agus calaois, gach cur i gcéill, gach formad, agus gach tromaíocht.
[2]Dála naíonán nuabheirthe, bíodh cíocras oraibh chun an fhíorbhainne spioradálta ionas go bhfásfaidh sibh dá thairbhe chun an tslánaithe,
[3]más é gur bhlais sibh gur caoin é an Tiarna.
[4]Druidigí ina aice, os é an chloch bheo é dár dhiúltaigh daoine, ach ar tofa luachmhar i láthair Dé í;
[5]agus tógtar sibhse féin, faoi mar ba bheochlocha sibh, in bhur n-áras spioradálta, le bheith in bhur sagartacht naofa le híobairtí spioradálta taitneamhacha a ofráil do Dhia trí Íosa Críost.
[6]Uime sin tá seo sa scrioptúr: “Féach, tá cloch á leagan agam i Síón, cloch chúinne thofa luachmhar. An té a chreidfidh inti, ní chuirfear díomá air.”
[7]Daoibhse dá bhrí sin a chreideann, is luachmhar í, ach dóibh siúd nach gcreideann: “An chloch dár dhiúltaigh na saoir, rinneadh ceann an chúinne di,”
[8]agus “ceap tuisle agus carraig scannail.” Baintear tuisle astu mar nach ngéilleann

sendo desobedientes, para o que também foram postos.

[9] Vós, porém, sois raça eleita, sacerdócio real, nação santa, povo de propriedade exclusiva de Deus, a fim de proclamardes as virtudes daquele que vos chamou das trevas para a sua maravilhosa luz;

[10] vós, sim, que, antes, não éreis povo, mas, agora, sois povo de Deus, que não tínheis alcançado misericórdia, mas, agora, alcançastes misericórdia.

A vida exemplar cristã: deveres para com os não crentes e para com as autoridades

[11] Amados, exorto-vos, como peregrinos e forasteiros que sois, a vos absterdes das paixões carnais, que fazem guerra contra a alma,

[12] mantendo exemplar o vosso procedimento no meio dos gentios, para que, naquilo que falam contra vós outros como de malfeitores, observando-vos em vossas boas obras, glorifiquem a Deus no dia da visitação.

[13] Sujeitai-vos a toda instituição humana por causa do SENHOR, quer seja ao rei, como soberano,

[14] quer às autoridades, como enviadas por ele, tanto para castigo dos malfeitores como para louvor dos que praticam o bem.

[15] Porque assim é a vontade de Deus, que, pela prática do bem, façais emudecer a ignorância dos insensatos;

[16] como livres que sois, não usando, todavia, a liberdade por pretexto da malícia, mas vivendo como servos de Deus.

siad don bhriathar; agus is mar sin a bhí ceaptha dóibh.

[9]Ach is cine tofa sibhse, sagartacht ríoga, muintir naofa, pobal a cuireadh ar leithrigh, le go bhfógródh sibh éachtaí an té sin a ghlaoigh as an dorchadas amach oraibh chun a sholais iontaigh féin.

[10]Níor phobal sibh tráth, ach anois is pobal Dé sibh; níor bhain a thrócaire libh tráth, ach anois tá bainte aici libh.

Dualgais an Chríostaí

[11]A chairde cléibh, impím oraibh, mar choimhthígh agus mar dheoraithe, staonadh ó ainmhianta na colainne a bhíonn ag cogaíocht leis an anam.

[12]Bíodh bhur n-iompar i measc na ngintlithe gan cháim, i dtreo, má cháineann siad anois sibh mar lucht míghníomhartha, go bhfeicfidh siad bhur ndea-oibreacha agus go molfaidh siad Dia dá gcionn ar lá an fhiosraithe.

[13]Bígí géilliúil do gach foras daonna ar son an Tiarna, más don impire é de bharr a cheannasaíochta,

[14]más do ghobharnóirí é, de bharr gur sheol seisean iad le coirpigh a phionósú agus le lucht dea-bheart a mholadh.

[15]Mar is é toil Dé é go ndéanfaidh sibh aineolas daoine baotha a chur ina thost leis na bearta fónta a dhéanann sibh.

[16]Déanaigí sibh féin a iompar mar shaoráin, gan an tsaoirse a bheith mar bhrat ar an olc agaibh, ach sibh a mhaireachtáil mar a bheadh daoráin Dé.

[17] Tratai todos com honra, amai os irmãos, temei a Deus, honrai o rei.

A vida exemplar cristã: deveres dos que prestam serviços a outrem

[18] Servos, sede submissos, com todo o temor ao vosso senhor, não somente se for bom e cordato, mas também ao perverso;

[19] porque isto é grato, que alguém suporte tristezas, sofrendo injustamente, por motivo de sua consciência para com Deus.

[20] Pois que glória há, se, pecando e sendo esbofeteados por isso, o suportais com paciência? Se, entretanto, quando praticais o bem, sois igualmente afligidos e o suportais com paciência, isto é grato a Deus.

[21] Porquanto para isto mesmo fostes chamados, pois que também Cristo sofreu em vosso lugar, deixando-vos exemplo para seguirdes os seus passos,

[22] o qual não cometeu pecado, nem dolo algum se achou em sua boca;

[23] pois ele, quando ultrajado, não revidava com ultraje; quando maltratado, não fazia ameaças, mas entregava-se àquele que julga retamente,

[24] carregando ele mesmo em seu corpo, sobre o madeiro, os nossos pecados, para que nós, mortos para os pecados, vivamos para a justiça; por suas chagas, fostes sarados.

[17]Tugaigí onóir do chách; bíodh grá agaibh don bhráithreacht; bíodh eagla oraibh roimh Dhia agus bíodh ómós agaibh don impire.

[18]A sheirbhíseacha, bígí umhal do bhur máistrí, le barr urraime, agus ní dóibh siúd atá caoin cneasta amháin é ach don mhuintir gharg chomh maith.

[19]Óir is é a thuilleann gnaoi, má iompraíonn duine pianta ag fulaingt go héagórach ach Dia os comhair a aigne aige.

[20]Cén chreidiúint é má dhéanann sibh rud as an tslí agus go n-iompraíonn sibh bhur bpionós le foighne? Ach má dhéanann sibh an mhaith agus go bhfulaingíonn sibh dá bharr le foighne, tuilleann sin gnaoi Dé.

[21]Óir is chuige seo a gairmeadh sibh, mar gur fhulaing Críost féin ar bhur son, agus gur fhág sé sampla agaibh le go leanfadh sibh a lorg.

[22]Ní dhearna seisean aon pheaca, ná ní bhfuarthas aon chealg ina bhéal.

[23]Nuair a caitheadh achasán leis níor chaith sé achasán ar ais; nuair a bhí sé ag fulaingt ní dhearna sé bagairt, ach d'fhág sé a chúis faoin té a thugann breith go cóir.

[24]D'iompair sé ár bpeacaí ina cholainn féin ar an gcrann d'fhonn go bhfaighimis bás dár bpeacaí ach go mairfimis don fhíréantacht. Trína chréachtaí a cneasaíodh sibh.

[25] Porque estáveis desgarrados como ovelhas; agora, porém, vos convertestes ao Pastor e Bispo da vossa alma.

1 Pedro 3

A vida exemplar cristã: deveres dos casados

[1] Mulheres, sede vós, igualmente, submissas a vosso próprio marido, para que, se ele ainda não obedece à palavra, seja ganho, sem palavra alguma, por meio do procedimento de sua esposa,

[2] ao observar o vosso honesto comportamento cheio de temor.

[3] Não seja o adorno da esposa o que é exterior, como frisado de cabelos, adereços de ouro, aparato de vestuário;

[4] seja, porém, o homem interior do coração, unido ao incorruptível trajo de um espírito manso e tranqüilo, que é de grande valor diante de Deus.

[5] Pois foi assim também que a si mesmas se ataviaram, outrora, as santas mulheres que esperavam em Deus, estando submissas a seu próprio marido,

[6] como fazia Sara, que obedeceu a Abraão, chamando-lhe senhor, da qual vós vos tornastes filhas, praticando o bem e não temendo perturbação alguma.

[7] Maridos, vós, igualmente, vivei a vida comum do lar, com discernimento; e, tendo consideração para com a vossa mulher como parte mais frágil, tratai-a com dignidade, porque sois, juntamente, herdeiros da mesma graça de vida, para que não se interrompam as vossas orações.

A vida exemplar cristã: o amor fraternal

[25]Bhí sibh mar chaoirigh ar seachrán, ach tá fillte ar ais agaibh ar aoire agus ar chaomhnóir bhur n-anama.

1 Peadar 3

[1]Mar an gcéanna libhse, a mhná, bígí umhal do bhur bhfir chéile, i dtreo má tá cuid acu gan géilleadh don bhriathar, go ndéanfaí iad a ghnóthú gan bhriathar trí iompar a gcuid ban,

[2]nuair a gheobhaidh siad radharc ar bhur n-iompar urramach geanmnaí.

[3]Nárab í an mhaise lasmuigh le fí foilt, le caitheamh ornáidí óir agus éidí galánta, bhur gcúram,

[4]ach an duine folaithe sa chroí istigh le seoid dhothruaillithe na meanman cneasta caoine, rud atá sárluachmhar i bhfianaise Dé.

[5]Na mná naofa fadó, iadsan a chuir a muinín i nDia, is mar sin a mhaisídís iad féin agus iad umhal dá gcuid fear.

[6]Sin mar a bhí ag Sárá a bhí umhal d'Abrahám ar ar thug sí tiarna. Is dá sliocht sibhse nuair a chleachtann sibh na dea-oibreacha, gan scáth gan eagla.

[7]Mar an gcéanna libhse a fheara, déanaigí aontíos le bhur mná de réir na tuisceana críostaí, agus bíodh urraim agaibh dóibh mar, cé gurb iad is laige ó nádúr, is leo atá sibh mar chomhoidhrí ar ghrásta na beatha ionas nach mbeadh aon bhac ar bhur n-urnaithe.

[8] Finalmente, sede todos de igual ânimo, compadecidos, fraternalmente amigos, misericordiosos, humildes,

[9] não pagando mal por mal ou injúria por injúria; antes, pelo contrário, bendizendo, pois para isto mesmo fostes chamados, a fim de receberdes bênção por herança.

[10] Pois quem quer amar a vida e ver dias felizes refreie a língua do mal e evite que os seus lábios falem dolosamente;

[11] aparte-se do mal, pratique o que é bom, busque a paz e empenhe-se por alcançá-la.

[12] Porque os olhos do SENHOR repousam sobre os justos, e os seus ouvidos estão abertos às suas súplicas, mas o rosto do SENHOR está contra aqueles que praticam males.

A prática do bem. A longanimidade segundo o exemplo de Cristo

[13] Ora, quem é que vos há de maltratar, se fordes zelosos do que é bom?

[14] Mas, ainda que venhais a sofrer por causa da justiça, bem-aventurados sois. Não vos amedronteis, portanto, com as suas ameaças, nem fiqueis alarmados;

[15] antes, santificai a Cristo, como SENHOR, em vosso coração, estando sempre preparados para responder a todo aquele que vos pedir razão da esperança que há em vós,

[8]Mar fhocal scoir, bígí uile ar aon intinn, agus bíodh comhbhá agaibh le chéile, agus grá agaibh do na bráithre; bíodh trócaire in bhur gcroí agus uirísle in bhur meon.

[9]Ná díolaigí olc ar olc, ná achasán ar achasán; ach a mhalairt, tugaigí beannacht; mar is chuige sin a glaodh oraibh, le go mba bheannacht a bheadh mar oidhreacht agaibh.

[10]“An té ar mian leis an bheatha a shantú agus fad saoil faoi shéan a bheith aige, coinníodh sé a theanga ón olc, agus a bhéal ó bhriathra éithigh.

[11]Casadh sé ón olc agus déanadh an mhaith; lorgadh sé an tsíocháin agus téadh sé ar a tóir.

[12]Óir tá súile an Tiarna ar na fíréin, agus tugann sé cluas dá n-impí. Ach tugann an Tiarna aghaidh ar lucht déanta olc.”

Páis Chríost: Breithiúnas: Glóir Dé

[13]Agus cé a dhéanfaidh díobháil daoibh má tá cíocras oraibh chun na maitheasa?

[14]Ach fiú má fhulaingíonn sibh ar son na fíréantachta, is méanar daoibh. Ná bíodh faitíos ná critheagla oraibh rompu.

[15]Bíodh urraim in bhur gcroí istigh agaibh do Chríost mar Thiarna. Bígí réidh i gcónaí le cosaint a dhéanamh in aghaidh aon duine a iarrann oraibh bonn a thabhairt leis an dóchas atá ionaibh; ach déanaigí amhlaidh le cneastacht agus le hurraim,

[16] fazendo-o, todavia, com mansidão e temor, com boa consciência, de modo que, naquilo em que falam contra vós outros, fiquem envergonhados os que difamam o vosso bom procedimento em Cristo,
[17] porque, se for da vontade de Deus, é melhor que sofrais por praticardes o que é bom do que praticando o mal.

[18] Pois também Cristo morreu, uma única vez, pelos pecados, o justo pelos injustos, para conduzir-vos a Deus; morto, sim, na carne, mas vivificado no espírito,

[19] no qual também foi e pregou aos espíritos em prisão,

[20] os quais, noutro tempo, foram desobedientes quando a longanimidade de Deus aguardava nos dias de Noé, enquanto se preparava a arca, na qual poucos, a saber, oito pessoas, foram salvos, através da água,
[21] a qual, figurando o batismo, agora também vos salva, não sendo a remoção da imundícia da carne, mas a indagação de uma boa consciência para com Deus, por meio da ressurreição de Jesus Cristo;
[22] o qual, depois de ir para o céu, está à destra de Deus, ficando-lhe subordinados anjos, e potestades, e poderes.

1 Pedro 4

A morte para o pecado e a pureza de vida

[1] Ora, tendo Cristo sofrido na carne, armai-vos também vós do mesmo

[16]agus le coinsias glan, i dtreo, nuair a dhéantar tromaíocht oraibh go gcuirtear náire ar an muintir a dhéanann béadán ar bhur ndea-iompar i gCríost.

[17]Óir nach fearr fulaingt de chionn na maitheasa, más é toil Dé é, ná de chionn an oilc?

[18]Óir fuair Críost bás an t-aon uair amháin i ngeall ar pheacaí, an fíréan thar ceann na neamhfhíréan, d'fhonn sinn a thabhairt i láthair Dé. Básaíodh é sa cholainn, ach rinneadh beo é sa spiorad

[19]agus sa riocht sin chuaigh sé agus sheanmóir sé do na spioraid a bhí i gcarcair,

[20]iad siúd a bhí easumhal fadó nuair a bhí Dia ag feitheamh go foighneach leo le linn Naoi nuair a bhí an áirc á tógáil, an áirc a thug slán tríd an uisce an beagán slua, ochtar ar fad is é sin.

[21]An baisteadh atá ag freagairt dó sin, mar shamhail. Déanann sé sibhse a shlánú anois, agus ní mar ghlanadh salachair choirp é, ach mar impí chun Dé ar son coinsiasa ghlain trí aiséirí Íosa Críost.

[22]Chuaigh seisean suas ar neamh agus tá ar dheasláimh Dé agus aingil agus tiarnais agus cumhachtaí ag géilleadh dó.

1 Peadar 4

[1]Ós rud é gur fhulaing Críost sa cholainn, dá bhrí sin, bíodh an tuiscint chéanna mar

pensamento; pois aquele que sofreu na carne deixou o pecado,

arm agaibhse, an té a d'fhulaing sa cholainn, gur scar sé leis an bpeaca,

[2] para que, no tempo que vos resta na carne, já não vivais de acordo com as paixões dos homens, mas segundo a vontade de Deus.

[2]ionas nach mairfeadh sé an chuid eile dá shaol ar talamh de réir mianta an duine ach de réir thoil Dé.

[3] Porque basta o tempo decorrido para terdes executado a vontade dos gentios, tendo andado em dissoluções, concupiscências, borracheiras, orgias, bebedices e em detestáveis idolatrias.

[3]Is leor an t-am atá thart le déanamh mar is áil leis na gintlithe, ag caitheamh a saoil le ragairne, le hainmhianta, le meisce, le carús, le hól agus le híoladhradh mídhleathach.

[4] Por isso, difamando-vos, estranham que não concorrais com eles ao mesmo excesso de devassidão,

[4]Cuireann sé iontas orthu nach ritheann sibh leo isteach sa tuile chéanna drabhláis agus bíonn siad do bhur maslú.

[5] os quais hão de prestar contas àquele que é competente para julgar vivos e mortos;

[5]Ach tabharfaidh siad cuntas don té atá réidh le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh.

[6] pois, para este fim, foi o evangelho pregado também a mortos, para que, mesmo julgados na carne segundo os homens, vivam no espírito segundo Deus.

[6]Uime sin is ea a fógraíodh an dea-scéal do na mairbh, ionas go dtabharfaí breith orthu sa cholainn mar dhaoine, ach go mairfidís sa spiorad de réir Dé.

Alguns deveres dos crentes uns para com os outros

[7] Ora, o fim de todas as coisas está próximo; sede, portanto, criteriosos e sóbrios a bem das vossas orações.

[7]Tá deireadh gach ní ar láimh. Bígí ciallmhar dá bhrí sin agus bíodh smacht agaibh oraibh féin mar mhaithe le bhur n-urnaithe.

[8] Acima de tudo, porém, tende amor intenso uns para com os outros, porque o amor cobre multidão de pecados.

[8]Thar aon ní eile bíodh grá buan agaibh dá chéile óir clúdaíonn grá a lán peacaí.

[9] Sede, mutuamente, hospitaleiros, sem murmuração.

[9]Cuirigí fáilte gan doicheall roimh a chéile.

[10] Servi uns aos outros, cada um conforme o dom que recebeu, como bons despenseiros da multiforme graça de Deus.

[10]Gach duine agaibh, de réir mar a fuair sé tíolacadh ó Dhia, bainigí feidhm as ar mhaithe lena chéile mar a dhéanfadh maoir fhónta ar ilghrásta Dé.

[11] Se alguém fala, fale de acordo com os oráculos de Deus; se alguém serve, faça-o na força que Deus supre, para que, em todas as coisas, seja Deus glorificado, por meio de Jesus Cristo, a quem pertence a glória e o domínio pelos séculos dos séculos. Amém!

O sofrermos por Cristo é privilégio glorioso

[12] Amados, não estranheis o fogo ardente que surge no meio de vós, destinado a provar-vos, como se alguma coisa extraordinária vos estivesse acontecendo;
[13] pelo contrário, alegrai-vos na medida em que sois co-participantes dos sofrimentos de Cristo, para que também, na revelação de sua glória, vos alegreis exultando.

[14] Se, pelo nome de Cristo, sois injuriados, bem-aventurados sois, porque sobre vós repousa o Espírito da glória e de Deus.

[15] Não sofra, porém, nenhum de vós como assassino, ou ladrão, ou malfeitor, ou como quem se intromete em negócios de outrem;
[16] mas, se sofrer como cristão, não se envergonhe disso; antes, glorifique a Deus com esse nome.
[17] Porque a ocasião de começar o juízo pela casa de Deus é chegada; ora, se primeiro vem por nós, qual será o fim daqueles que não obedecem ao evangelho de Deus?

[11]Má labhraíonn duine, déanadh sé amhlaidh amhail is gur oracail ó Dhia a bhíonn á dtabhairt aige; má dhéanann duine friotháil, déanadh amhail is gur tríd an neart a bhronnann Dia é, ionas go dtabharfaí glóir do Dhia i ngach ní trí Íosa Críost dar dual glóir agus réimeas le saol na saol. Amen.

[12]A chairde cléibh, ná bíodh iontas oraibh nuair a chuirtear triail thine oraibh, le sibh a thástáil, amhail is go raibh rud éigin aisteach ag tarlú daoibh.

[13]Ach bíodh áthas oraibh sa mhéid go bhfuil sibh páirteach i bpáis Chríost, ionas go mbeadh áthas agus lúcháir oraibh freisin nuair a fhoilseofar a ghlóir.

[14]Is méanar daoibh má thugtar aithis daoibh i ngeall ar ainm Chríost, mar go lonnaíonn Spiorad na glóire agus Spiorad Dé oraibh.

[15]Nár lige Dia go bhfulaingeodh aon duine agaibh pionós mar dhúnmharfóir, mar ghadaí, mar choirpeach, nó mar ladhrálaí.

[16]Ach más mar Chríostaí a fhulaingíonn duine pionós, ná bíodh náire air ach tugadh sé glóir do Dhia faoin ainm seo.

[17]Óir tá an uain tagtha don bhreith tosú le teaghlach Dé; agus más linne a thosaíonn sí, cén chríoch a bheidh ar an muintir nach ngéilleann do shoisceal Dé?

[18] E, se é com dificuldade que o justo é salvo, onde vai comparecer o ímpio, sim, o pecador?

[19] Por isso, também os que sofrem segundo a vontade de Deus encomendem a sua alma ao fiel Criador, na prática do bem.

[18]Agus "más ar éigean a shábhálfar an fíréan, cad a tharlóidh don éagráifeach agus don pheacach?"

[19]An mhuintir a fhulaingíonn dá bhrí sin de réir thoil Dé, déanaidís an ceart agus cuiridís cúram a n-anama ar an gCruthaitheoir dílis.

1 Pedro 5

Os deveres do ministério

[1] Rogo, pois, aos presbíteros que há entre vós, eu, presbítero como eles, e testemunha dos sofrimentos de Cristo, e ainda co-participante da glória que há de ser revelada:

[2] pastoreai o rebanho de Deus que há entre vós, não por constrangimento, mas espontaneamente, como Deus quer; nem por sórdida ganância, mas de boa vontade;

[3] nem como dominadores dos que vos foram confiados, antes, tornando-vos modelos do rebanho.

[4] Ora, logo que o Supremo Pastor se manifestar, recebereis a imarcescível coroa da glória.

Vários conselhos. Votos, saudações finais e bênção

[5] Rogo igualmente aos jovens: sede submissos aos que são mais velhos; outrossim, no trato de uns com os outros, cingi-vos todos de humildade, porque Deus resiste aos soberbos, contudo, aos humildes concede a sua graça.

[6] Humilhai-vos, portanto, sob a poderosa mão de Deus, para que ele, em tempo oportuno, vos exalte,

1 Peadar 5

Treoracha

[1]Impím ar na seanóirí in bhur measc, agus is comhsheanóir libh mise agus finné ar pháis Chríost, agus táim páirteach libh sa ghlóir atá le foilsiú.

[2]Déanaigí tréad Dé atá faoi bhur gcúram a aoireacht; ná tugaigí aire dó le foréigean ach le fonn, mar is toil le Dia, ná le dúil tháir san airgead ach le dúthracht,

[3]ná ag tiarnú orthu siúd atá faoi bhur gcúram ach in bhur samplaí don tréad.

[4]Ansin nuair a fhoilseofar an tArdaoire tabharfar daoibh coróin mharthanach na glóire.

[5]Mar an gcéanna libhse is óige ná sin, bígí umhal do na seanóirí. Cuirigí umaibh, gach duine agaibh, an umhlaíocht i leith a chéile, mar "cuireann Dia in aghaidh lucht an uabhair, ach bronnann sé a ghrásta ar lucht na humhlaíochta."

[6]Umhlaígí sibh féin dá bhrí sin faoi láimh chumhachtach Dé ionas go n-ardódh sé sibh i dtráth.

[7] lançando sobre ele toda a vossa ansiedade, porque ele tem cuidado de vós.
[8] Sede sóbrios e vigilantes. O diabo, vosso adversário, anda em derredor, como leão que ruge procurando alguém para devorar;

[9] resisti-lhe firmes na fé, certos de que sofrimentos iguais aos vossos estão-se cumprindo na vossa irmandade espalhada pelo mundo.

[10] Ora, o Deus de toda a graça, que em Cristo vos chamou à sua eterna glória, depois de terdes sofrido por um pouco, ele mesmo vos há de aperfeiçoar, firmar, fortificar e fundamentar.

[11] A ele seja o domínio, pelos séculos dos séculos. Amém!
[12] Por meio de Silvano, que para vós outros é fiel irmão, como também o considero, vos escrevo resumidamente, exortando e testificando, de novo, que esta é a genuína graça de Deus; nela estai firmes.

[13] Aquela que se encontra em Babilônia, também eleita, vos saúda, como igualmente meu filho Marcos.

[14] Saudai-vos uns aos outros com ósculo de amor. Paz a todos vós que vos achais em Cristo.

[7]Caithigí bhur gcúram go léir suas air, óir tugann sé aire daoibh.
[8]Bígí measartha agus déanaigí faire, mar tá bhur n-áibhirseoir, an diabhal, ag gabháil timpeall mar a bheadh leon ag búiríl ar thóir dhuine éigin le slogadh.
[9]Seasaigí an fód ina aghaidh agus sibh daingean sa chreideamh, agus a fhios agaibh go bhfuil sé i ndán do bhur mbráithre ar fud an domhain na nithe céanna a fhulaingt.
[10]Ansin, Dia na ngrást uile a ghlaoigh oraibh chun a ghlóire féin i gCríost, nuair a bheidh an beagán fulaingthe agaibh, déanfaidh sé sibh a athnuachan, a dhaingniú, a neartú, agus bonn a chuir fúibh.
[11]Glóir agus réimeas dó le saol na saol. Amen.

[12]Tá scríofa agam chugaibh i mbeagán focal le cabhair Silveánas, bráthair dílis, dar liom, á thathant oraibh agus á áiteamh oraibh gurb é seo fíorghrásta Dé; cloígí leis.

[13]Í siúd atá sa Bhablóin, agus a toghadh faoi mar a toghadh sibhse, beannaíonn sí daoibh, rud a dhéanann Marcas mo mhac chomh maith.

[14]Beannaígí dá chéile le póg an ghrá. Síocháin daoibh uile atá i gCríost.

Segunda epístola de Pedro

2 Pedro 1

Prefácio e saudação

[1] Simão Pedro, servo e apóstolo de Jesus Cristo, aos que conosco obtiveram fé igualmente preciosa na justiça do nosso Deus e Salvador Jesus Cristo,

[2] graça e paz vos sejam multiplicadas, no pleno conhecimento de Deus e de Jesus, nosso SENHOR.

A prática progressiva das graças cristãs e seus resultados

[3] Visto como, pelo seu divino poder, nos têm sido doadas todas as coisas que conduzem à vida e à piedade, pelo conhecimento completo daquele que nos chamou para a sua própria glória e virtude,

[4] pelas quais nos têm sido doadas as suas preciosas e mui grandes promessas, para que por elas vos torneis co-participantes da natureza divina, livrando-vos da corrupção das paixões que há no mundo,

[5] por isso mesmo, vós, reunindo toda a vossa diligência, associai com a vossa fé a virtude; com a virtude, o conhecimento;

[6] com o conhecimento, o domínio próprio; com o domínio próprio, a perseverança; com a perseverança, a piedade;

[7] com a piedade, a fraternidade; com a fraternidade, o amor.

[8] Porque estas coisas, existindo em vós e em vós aumentando, fazem com que não sejais nem inativos, nem infrutuosos no

2 Peadar

2 Peadar 1

[1]Síomón Peadar, seirbhíseach agus aspal le hÍosa Críost, do chách a fuair creideamh ar chomhchéim linne i bhfíréantacht ár nDé agus ár Slánaitheora, Íosa Críost.

[2]Go méadaítear grásta agus síocháin chugaibh in bhur n-aithne ar Dhia agus ar Íosa ár dTiarna.

Gabhann gach maith le hAithne ar Chríost

[3]Dháil a chumhacht dhiaga orainn gach a mbaineann leis an mbeatha agus leis an gcráifeacht de bharr aithne a chur airsean a ghlaoigh orainn chun a ghlóire agus a mhórgachta;

[4]dá bhrí sin, thug sé a ghealltanais luachmhara rómhóra dúinn lenarbh fhéidir daoibh an truaillitheacht atá sa saol de bharr na n-ainmhianta a sheachaint agus a bheith páirteach sa nádúr diaga.

[5]Uime sin déanaigí bhur lándícheall an tsuáilce a chur mar bhreis le bhur gcreideamh, agus an eagna le bhur suáilce,

[6]agus an smacht leis an eagna, agus an fhoighne leis an smacht agus an chráifeacht leis an bhfoighne,

[7]agus grá bráthar leis an gcráifeacht agus an charthanacht leis an ngrá bráthar.

[4]Níl aon chúis ghairdis agam is mó ná a aireachtáil go siúlann mo chlann san fhírinne.

[5]A bhráthair na páirte, is dílis a chruthaigh tú sa mhéid go ndearna tú gar do na bráithre, agus go háirithe nuair ba choimhthígh iad, a thug teastas ar do charthanacht i bhfianaise na hEaglaise go léir.

[6]Is inmholta a chruthóidh tú, á seoladh siúd chun bealaigh mar is cuí do sheirbhís Dé.

[7]Mar gur ar son a ainmsean a ghabh siad bóthar agus gan tada á ghlacadh acu ó na págánaigh.

[8]Is mithid dúinne dá bhrí sin soláthar dá leithéidí le go mba comhoibrithe sinn san fhírinne.

[9] Escrevi alguma coisa à igreja; mas Diótrefes, que gosta de exercer a primazia entre eles, não nos dá acolhida.

[10] Por isso, se eu for aí, far-lhe-ei lembradas as obras que ele pratica, proferindo contra nós palavras maliciosas. E, não satisfeito com estas coisas, nem ele mesmo acolhe os irmãos, como impede os que querem recebê-los e os expulsa da igreja.

[11] Amado, não imites o que é mau, senão o que é bom. Aquele que pratica o bem procede de Deus; aquele que pratica o mal jamais viu a Deus.

[12] Quanto a Demétrio, todos lhe dão testemunho, até a própria verdade, e nós também damos testemunho; e sabes que o nosso testemunho é verdadeiro.

Informações finais. Saudações

[13] Muitas coisas tinha que te escrever; todavia, não quis fazê-lo com tinta e pena,

[14] pois, em breve, espero ver-te. Então, conversaremos de viva voz.

[15] A paz seja contigo. Os amigos te saúdam. Saúda os amigos, nome por nome.

[9]Scríobh mé focal chuig an eaglais, ach an fear sin Diotrafaes ar breá leis an ceannas ní thugann sé aon aird orainn.

[10]Dá bhrí sin, má thagaimse cuirfidh mé ina luí air céard tá ar siúl aige, é ag béadán orainn le briathra éagóracha. Agus faoi mar nach leor leis sin, ní fháiltíonn sé féin roimh na bráithre, agus coisceann sé an mhuintir a fháiltíonn agus díbríonn as an eaglais iad.

[11]A bhráthair na páirte, ná déan aithris ar an olc ach ar an maith. An té a dhéanann an mhaith is ó Dhia dó, an té a dhéanann an t-olc ní fhaca sé Dia.

[12]Tá dea-theastas ar Dhéimitrias ag gach aon duine agus ag an bhfírinne féin. Tugaimidne teastas freisin air agus is feasach duit gur fíor ár dteastas.

[13]Bhí mórán agam le scríobh chugat ach ní mian liom iad a chur síos le peann agus le dúch.

[14]Tá súil agam tú a fheiceáil gan mhoill agus labhróimid díreach le chéile.

[15] Síocháin ort. Beannaíonn na cairde duit. Beannaighse do gach duine de na cairde as a ainm.

Epístola de Judas	Iúd

Judas 1

Prefácio e saudação

[1] Judas, servo de Jesus Cristo e irmão de Tiago, aos chamados, amados em Deus Pai e guardados em Jesus Cristo,

[2] a misericórdia, a paz e o amor vos sejam multiplicados.

É dever cristão pelejar pela fé

[3] Amados, quando empregava toda a diligência em escrever-vos acerca da nossa comum salvação, foi que me senti obrigado a corresponder-me convosco, exortando-vos a batalhardes, diligentemente, pela fé que uma vez por todas foi entregue aos santos.

[4] Pois certos indivíduos se introduziram com dissimulação, os quais, desde muito, foram antecipadamente pronunciados para esta condenação, homens ímpios, que transformam em libertinagem a graça de nosso Deus e negam o nosso único Soberano e SENHOR, Jesus Cristo.

Exemplos da punição dos ímpios

[5] Quero, pois, lembrar-vos, embora já estejais cientes de tudo uma vez por todas, que o SENHOR, tendo libertado um povo, tirando-o da terra do Egito, destruiu, depois, os que não creram;

[6] e a anjos, os que não guardaram o seu estado original, mas abandonaram o seu próprio domicílio, ele tem guardado sob trevas, em algemas eternas, para o juízo do grande Dia;

Iúd 1

[1]Iúd, seirbhíseach lenár dTiarna Íosa Críost, agus dearthháir Shéamais, chucu siúd atá glaoite, a bhfuil grá dóibh i nDia an tAthair, agus atá á gcaomhnú d'Íosa Críost.

[2]Go méadaí trócaire, síocháin agus grá chugaibh.

[3]A chairde cléibh, bhí an-fhonn orm scríobh chugaibh faoin slánú ina bhfuilimid páirteach; agus b'éigean dom scríobh chugaibh á impí oraibh troid go dian ar son an chreidimh a seachadadh aon uair amháin do na naoimh.

[4]Tá bheith istigh faighte ag daoine áirithe, dream a marcáladh le fada roimh ré don bhreithiúnas seo, éagráifigh a dhéanann grásta ár nDé a chlaochlú ina dhrabhlás, agus a shéanann ár n-aon mháistir agus Tiarna, Íosa Críost.

[5]Is mian liom a chur i gcuimhne daoibh, cé gurb eol daoibh gach ní cheana don aon uair amháin ar fad, gur fhuascail an Tiarna pobal ón Éigipt ach gur scrios sé ina dhiaidh sin an mhuintir nár chreid.

[6]Agus na haingil nár choinnigh a bhflaitheas féin, ach a d'fhág a láthair lonnaithe féin, tá siad coimeádta aige i gcuibhreacha síoraí thíos in ifreann i gcomhair bhreith an lae mhóir.

[7] como Sodoma, e Gomorra, e as cidades circunvizinhas, que, havendo-se entregado à prostituição como aqueles, seguindo após outra carne, são postas para exemplo do fogo eterno, sofrendo punição.

[8] Ora, estes, da mesma sorte, quais sonhadores alucinados, não só contaminam a carne, como também rejeitam governo e difamam autoridades superiores.

[9] Contudo, o arcanjo Miguel, quando contendia com o diabo e disputava a respeito do corpo de Moisés, não se atreveu a proferir juízo infamatório contra ele; pelo contrário, disse: O SENHOR te repreenda!

[10] Estes, porém, quanto a tudo o que não entendem, difamam; e, quanto a tudo o que compreendem por instinto natural, como brutos sem razão, até nessas coisas se corrompem.

[11] Ai deles! Porque prosseguiram pelo caminho de Caim, e, movidos de ganância, se precipitaram no erro de Balaão, e pereceram na revolta de Corá.

[12] Estes homens são como rochas submersas, em vossas festas de fraternidade, banqueteando-se juntos sem qualquer recato, pastores que a si mesmos se apascentam; nuvens sem água impelidas pelos ventos; árvores em plena estação dos frutos, destes desprovidas, duplamente mortas, desarraigadas;

[7]Ba é an dála céanna é ag Sodom agus Gomorá, agus ag na cathracha ina dtimpeall; ghabh siadsan freisin le collaíocht agus drúis mhínádúrtha; fágadh mar shampla iad ag fulaingt pionós na tine síoraí.

[8]Déanann an dream seo, ámh, ar an tslí chéanna lena mbrionglóidí an cholainn a thruailliú, an t-údarás a shéanadh, agus aingil na glóire a mhaslú.

[9]Ach nuair a bhí Mícheál Ardaingeal ag achrann leis an diabhal agus ag aighneas leis faoi chorp Mhaois, níor leomhaigh sé breith aithiseach a thabhairt air siúd, ach dúirt: “Go smachtaí an Tiarna thú.”

[10]Ach an dream seo, maslaíonn siad an méid nach dtuigeann siad, agus na nithe is eol dóibh ó dhúchas dála na n-ainmhithe éigiallta, is tríothu atáthar á scriosadh.

[11]Is mairg dóibh! óir d'imigh siad leo ar bhealach Cháin, agus thug siad iad féin suas do sheachrán Bhalám ar son brabúis, agus tá siad millte i gceannairc Chorae.

[12]Is geall le fochaisí iad in bhur bhfleánna cumainn, ag comhól go dána gan aire á tabhairt acu ach dóibh féin; is scamaill gan uisce iad, á scuabadh ar aghaidh ag gaotha; crainn gan toradh iad i ndeireadh an fhómhair, marbh faoi dhó, stoite ó fhréamh;

[13] ondas bravias do mar, que espumam as suas próprias sujidades; estrelas errantes, para as quais tem sido guardada a negridão das trevas, para sempre.

[14] Quanto a estes foi que também profetizou Enoque, o sétimo depois de Adão, dizendo: Eis que veio o SENHOR entre suas santas miríades,

[15] para exercer juízo contra todos e para fazer convictos todos os ímpios, acerca de todas as obras ímpias que impiamente praticaram e acerca de todas as palavras insolentes que ímpios pecadores proferiram contra ele.

[16] Os tais são murmuradores, são descontentes, andando segundo as suas paixões. A sua boca vive propalando grandes arrogâncias; são aduladores dos outros, por motivos interesseiros.

A profecia apostólica. Exortações

[17] Vós, porém, amados, lembrai-vos das palavras anteriormente proferidas pelos apóstolos de nosso SENHOR Jesus Cristo,

[18] os quais vos diziam: No último tempo, haverá escarnecedores, andando segundo as suas ímpias paixões.

[19] São estes os que promovem divisões, sensuais, que não têm o Espírito.

[20] Vós, porém, amados, edificando-vos na vossa fé santíssima, orando no Espírito Santo,

[21] guardai-vos no amor de Deus, esperando a misericórdia de nosso SENHOR Jesus Cristo, para a vida eterna.

[22] E compadecei-vos de alguns que estão na dúvida;

[13]tonnta fiáine mara iad ag caitheamh a mbearta táire féin aníos mar chúrán; réaltaí fáin iad a bhfuil ifreann duairc i ndán dóibh go brách.

[14]Is fúthu seo a rinne Eineoc sa seachtú glúin ó Ádhamh fáistine á rá: “Féach, tháinig an Tiarna lena mhílte míle naomh,

[15]le breith a thabhairt ar chách agus na héagráifigh go léir a dhaoradh sna hoibreacha éagráifeacha go léir a rinne siad le barr éagráifeachta, agus sna nithe borba go léir a dúirt na peacaigh choirpeacha ina aghaidh.

[16]Iad sin lucht an mhonabhair a bhíonn ag gearán faoina gcinniúint, a ghéilleann dá n-ainmhianta, a mbíonn clab orthu le huaill agus a bhíonn ag bladar le daoine ar mhaithe leo féin.”

[17]Ach sibhse, a chairde cléibh, cuimhnígí ar na tairngreachtaí a rinne aspail ár dTiarna Íosa Críost;

[18]mar dúirt siadsan libh: “Ag críoch na ré, beidh scigirí ann a dhéanfaidh de réir a n-ainmhianta coirpeachta féin.”

[19]Is iad sin a dhéanann deighilt, dream saoltach, gan an Spiorad acu.

[20]Ach sibhse, a chairde cléibh, déanaigí sibh féin a thógáil suas ar bhonn sárnaofa bhur gcreidimh; guígí sa Spiorad Naomh,

[21]agus cumhdaígí sibh féin i ngrá Dé agus súil agaibh le trócaire ár dTiarna Íosa Críost chun na beatha síoraí.

[22]Déanaigí áiteamh ar chuid acu, an mhuintir atá in amhras;

[23] salvai-os, arrebatando-os do fogo; quanto a outros, sede também compassivos em temor, detestando até a roupa contaminada pela carne.

[23]déanaigí a thuilleadh a sciobadh as an tine agus a shaoradh, agus déanaigí trócaire ar a thuilleadh fós ach eagla oraibh agus fuath agaibh fiú don léine a thruailligh an cholainn.

A doxologia

[24] Ora, àquele que é poderoso para vos guardar de tropeços e para vos apresentar com exultação, imaculados diante da sua glória,

[24]An té sin ar féidir leis sibh a choimeád gan titim i bpeaca, agus sibh a chur gan smál i láthair a ghlóire faoi lúcháir,

[25] ao único Deus, nosso Salvador, mediante Jesus Cristo, SENHOR nosso, glória, majestade, império e soberania, antes de todas as eras, e agora, e por todos os séculos. Amém!

[25]an t-aon Dia is slánaitheoir againn trí Íosa Críost ár dTiarna, dósan go raibh glóir agus mórgacht agus ceannas, agus cumhacht roimh gach aois agus anois agus le saol na saol. Amen.

Apocalipse de João

Apocalipse 1

O título, o autor e o assunto do livro

[1] Revelação de Jesus Cristo, que Deus lhe deu para mostrar aos seus servos as coisas que em breve devem acontecer e que ele, enviando por intermédio do seu anjo, notificou ao seu servo João,

[2] o qual atestou a palavra de Deus e o testemunho de Jesus Cristo, quanto a tudo o que viu.

[3] Bem-aventurados aqueles que lêem e aqueles que ouvem as palavras da profecia e guardam as coisas nela escritas, pois o tempo está próximo.

Dedicatória às sete igrejas da Ásia

[4] João, às sete igrejas que se encontram na Ásia, graça e paz a vós outros, da parte daquele que é, que era e que há de vir, da parte dos sete Espíritos que se acham diante do seu trono

[5] e da parte de Jesus Cristo, a Fiel Testemunha, o Primogênito dos mortos e o Soberano dos reis da terra. Àquele que nos ama, e, pelo seu sangue, nos libertou dos nossos pecados,

[6] e nos constituiu reino, sacerdotes para o seu Deus e Pai, a ele a glória e o domínio pelos séculos dos séculos. Amém!

[7] Eis que vem com as nuvens, e todo olho o verá, até quantos o traspassaram. E todas as tribos da terra se lamentarão sobre ele. Certamente. Amém!

Apacailipsis

Apacailipsis (Taispeántadh) 1

Réamhrá

[1]Is é seo apacailipsis Íosa Críost a thug Dia dó chun go dtaispeánfadh sé dá sheirbhísigh cad iad na nithe nach foláir a theacht gan mhoill; sheol sé a aingeal uaidh agus chuir in iúl é d'Eoin a sheirbhíseach;

[2]thug seisean fianaise ar bhriathar Dé agus ar fhianaise Íosa Críost de réir mar a chonaic sé.

[3]Is méanar dó seo a léann os ard agus a éisteann le focail na fáistine seo agus a choimeádann a bhfuil scríofa inti; óir tá an uain in achomaireacht.

Litreacha chuig na hEaglaisí
Beannú

[4]Eoin chun na seacht n-eaglaisí san Áise: Grásta chugaibh, agus síocháin ón té atá, a bhí, agus atá le teacht, agus ó na seacht spiorad os comhair a ríchathaoireach

[5]agus ó Íosa Críost an finné dílis, an chéadghin ó mhairbh, rialtóir ríthe an domhain. Don té a bheir grá dúinn, agus a scaoil sinn ónár gcionta trína fhuil féin,

[6]agus a rinne ríocht agus sagairt dá Dhia agus dá athair dínn, don té sin go raibh glóir agus cumhacht ar feadh na síoraíochta. Amen.

[7]Féach, tá sé ag teacht ar néalta neimhe, agus feicfidh gach duine lena súile cinn é, fiú iad siúd a tholl é, agus beidh cineócha

uile an domhain ag déanamh mairgní dá bharr. Abair é! Amen.

[8] Eu sou o Alfa e Ômega, diz o SENHOR Deus, aquele que é, que era e que há de vir, o Todo-Poderoso.

[8]“Mise an tAlfa agus an tÓimige,” a deir an Tiarna Dia, an té atá, a bhí agus atá le teacht, an tUilechumhachtach.

A visão de Jesus glorificado

Tús na Físe

[9] Eu, João, irmão vosso e companheiro na tribulação, no reino e na perseverança, em Jesus, achei-me na ilha chamada Patmos, por causa da palavra de Deus e do testemunho de Jesus.

[9]Mise Eoin bhur mbráthair atá páirteach libh in Íosa sa duainéis, sa ríocht agus san fhoighne. Bhí mé san oileán ar a dtugtar Patmos ar son briathar Dé a fhógairt agus fianaise Íosa.

[10] Achei-me em espírito, no dia do SENHOR, e ouvi, por detrás de mim, grande voz, como de trombeta,

[10]Ba é lá an Tiarna é agus bhí mé faoi luí an Spioraid, agus chuala mé ar mo chúla glór tréan, mar ghlór trumpa,

[11] dizendo: O que vês escreve em livro e manda às sete igrejas: Éfeso, Esmirna, Pérgamo, Tiatira, Sardes, Filadélfia e Laodicéia.

[11]á rá: “Scríobh i leabhar a bhfeiceann tú agus seol é go dtí na seacht n-eaglaisí, go hEifeasas, go Smiorna, go Peargamas, go Tíaitíora, go Sairdis, go Filideilfia, agus go Láoidícéa.”

[12] Voltei-me para ver quem falava comigo e, voltado, vi sete candeeiros de ouro

[12]D'iompaigh mé timpeall féachaint cén glor a labhair liom, agus, ar iompú dom, chonaic mé seacht gcoinnleoirí óir,

[13] e, no meio dos candeeiros, um semelhante a filho de homem, com vestes talares e cingido, à altura do peito, com uma cinta de ouro.

[13]agus i measc na gcoinnleoirí neach mar mhac duine, é gléasta in éide fhada agus crios órga faoina bhrollach.

[14] A sua cabeça e cabelos eram brancos como alva lã, como neve; os olhos, como chama de fogo;

[14]Bhí a cheann agus a ghruaig geal mar olann gheal, mar an sneachta, agus a shúile mar bhladhm thine,

[15] os pés, semelhantes ao bronze polido, como que refinado numa fornalha; a voz, como voz de muitas águas.

[15]agus a chosa ar lí an phráis líofa arna scagadh i bhfoirnéis, agus a ghlór mar ghlór tuiltí lána.

[16] Tinha na mão direita sete estrelas, e da boca saía-lhe uma afiada espada de dois gumes. O seu rosto brilhava como o sol na sua força.

[16]Bhí seacht réalta aige ina dheasláimh, agus óna bhéal ghluais claíomh géar dhá fhaobhar, agus bhí a cheannaithe ar dhealramh na gréine faoi lántaitneamh.

[17] Quando o vi, caí a seus pés como morto. Porém ele pôs sobre mim a mão direita, dizendo: Não temas; eu sou o primeiro e o último

[18] e aquele que vive; estive morto, mas eis que estou vivo pelos séculos dos séculos e tenho as chaves da morte e do inferno.

[19] Escreve, pois, as coisas que viste, e as que são, e as que hão de acontecer depois destas.

[20] Quanto ao mistério das sete estrelas que viste na minha mão direita e aos sete candeeiros de ouro, as sete estrelas são os anjos das sete igrejas, e os sete candeeiros são as sete igrejas.

[17]Nuair a chonaic mé é, chaith mé mé féin ag a chosa i mo staic. Ach leag seisean a lámh dheas orm á rá: “Ná bíodh eagla ort. Mise an té atá ar tosach agus ar deireadh; an neach beo;

[18]ba mharbh dom, ach anois is beo dom ar feadh na síoraíochta, agus tá eochracha an bháis agus ifrinn agam.

[19]Scríobh, más ea, a bhfuil feicthe agat, agus a bhfuil ann, agus a bhfuil le teacht ina ndiaidh seo.

[20]Maidir le rúndiamhair na seacht réalta a chonaic tú ar mo dheasláimh, agus na seacht gcoinnleoirí óir, is iad na seacht réalta aingil na seacht n-eaglaisí, agus is iad na seacht gcoinnleoirí na seacht n-eaglaisí.

Apocalipse 2

Carta à igreja em Éfeso

[1] Ao anjo da igreja em Éfeso escreve: Estas coisas diz aquele que conserva na mão direita as sete estrelas e que anda no meio dos sete candeeiros de ouro:

[2] Conheço as tuas obras, tanto o teu labor como a tua perseverança, e que não podes suportar homens maus, e que puseste à prova os que a si mesmos se declaram apóstolos e não são, e os achaste mentirosos;

[3] e tens perseverança, e suportaste provas por causa do meu nome, e não te deixaste esmorecer.

[4] Tenho, porém, contra ti que abandonaste o teu primeiro amor.

Apacailipsis (Taispeántadh) 2

Eifeasas

[1]“Scríobh go dtí aingeal na heaglaise in Eifeasas: ‘Mar seo a deir an té a bhfuil greim aige ar na seacht n-eaglaisí ina dheasláimh, agus a shiúlann i measc na seacht gcoinnleoirí óir:

[2]Is eol dom d'oibreacha, agus do shaothar, agus d'fhoighne, agus mar nach féidir duit lucht an oilc a fhulaingt, agus mar a phromhaigh tú an dream a thug aspail orthu féin agus nach amhlaidh dóibh, agus mar a fuair tú bréagach iad.

[3]Is eol dom go bhfuil foighne agat, gur fhulaing tú ar son m'ainm gan traochadh.

[4]Ach tá seo agam i d'aghaidh: gur thréig tú an grá a bhí agat a chéaduair.

[5] Lembra-te, pois, de onde caíste, arrepende-te e volta à prática das primeiras obras; e, se não, venho a ti e moverei do seu lugar o teu candeeiro, caso não te arrependas.

[5]Cuimhnigh, más ea, ar cad as ar thit tú, agus déan aithrí agus déan na hoibreacha a rinne tú ar dtús. Mura ndéana tú, tiocfaidh mé chugat agus tógfaidh mé do choinnleoir óna ionad, mura ndéana tú aithrí.

[6] Tens, contudo, a teu favor que odeias as obras dos nicolaítas, as quais eu também odeio.

[6]Ach tá seo i d'fhabhar, go bhfuil an ghráin agat ar oibreacha na Niocoláiteach faoi mar atá an ghráin agamsa leis.

[7] Quem tem ouvidos, ouça o que o Espírito diz às igrejas: Ao vencedor, dar-lhe-ei que se alimente da árvore da vida que se encontra no paraíso de Deus.

[7]An té a bhfuil cluas air, éisteadh sé lena bhfuil á rá ag an Spiorad leis na heaglaisí: An té a bheireann bua tabharfaidh mé bia dó ó chrann na beatha atá i bparthas Dé.' ”

Carta à igreja em Esmirna

Smiorna

[8] Ao anjo da igreja em Esmirna escreve: Estas coisas diz o primeiro e o último, que esteve morto e tornou a viver:

[8]“Scríobh go dtí aingeal na heaglaise i Smiorna: ‘Mar seo a deir an té atá ar tosach agus ar deireadh, an té ba mharbh agus ar tháinig anam ann:

[9] Conheço a tua tribulação, a tua pobreza (mas tu és rico) e a blasfêmia dos que a si mesmos se declaram judeus e não são, sendo, antes, sinagoga de Satanás.

[9]Is eol dom do dhuainéis agus do bhochtaine - cé gur saibhir tú - agus tromaíocht an dreama a thugann Giúdaigh orthu féin, ach nach amhlaidh dóibh ach gur sionagóg le Sátan iad.

[10] Não temas as coisas que tens de sofrer. Eis que o diabo está para lançar em prisão alguns dentre vós, para serdes postos à prova, e tereis tribulação de dez dias. Sê fiel até à morte, e dar-te-ei a coroa da vida.

[10]Ná bíodh eagla ort roimh a bhfuil le fulaingt agat. Feach! tá an diabhal ar tí cuid agaibh a chaitheamh i bpríosún d'fhonn sibh a phromhadh, agus beidh duainéis oraibh ar feadh deich lá. Bí dílis go bás, agus tabharfaidh mé duit coróin na beatha.

[11] Quem tem ouvidos, ouça o que o Espírito diz às igrejas: O vencedor de nenhum modo sofrerá dano da segunda morte.

[11]An té a bhfuil cluas air, éisteadh sé lena bhfuil á rá ag an Spiorad leis na heaglaisí: An té a bheireann bua, ní baol dó dochar ón dara bás.”

Carta à igreja em Pérgamo

Peargamas

[12] Ao anjo da igreja em Pérgamo escreve: Estas coisas diz aquele que tem a espada afiada de dois gumes:

[13] Conheço o lugar em que habitas, onde está o trono de Satanás, e que conservas o meu nome e não negaste a minha fé, ainda nos dias de Antipas, minha testemunha, meu fiel, o qual foi morto entre vós, onde Satanás habita.

[14] Tenho, todavia, contra ti algumas coisas, pois que tens aí os que sustentam a doutrina de Balaão, o qual ensinava a Balaque a armar ciladas diante dos filhos de Israel para comerem coisas sacrificadas aos ídolos e praticarem a prostituição.

[15] Outrossim, também tu tens os que da mesma forma sustentam a doutrina dos nicolaítas.

[16] Portanto, arrepende-te; e, se não, venho a ti sem demora e contra eles pelejarei com a espada da minha boca.

[17] Quem tem ouvidos, ouça o que o Espírito diz às igrejas: Ao vencedor, dar-lhe-ei do maná escondido, bem como lhe darei uma pedrinha branca, e sobre essa pedrinha escrito um nome novo, o qual ninguém conhece, exceto aquele que o recebe.

Carta à igreja em Tiatira

[18] Ao anjo da igreja em Tiatira escreve: Estas coisas diz o Filho de Deus, que tem os olhos como chama de fogo e os pés semelhantes ao bronze polido:

[19] Conheço as tuas obras, o teu amor, a tua fé, o teu serviço, a tua perseverança e as

[12]“Scríobh go dtí aingeal na heaglaise i bPeargamas: ‘Mar seo a deir an té a bhfuil an claíomh géar dhá fhaobhar aige:

[13]Is eol dom cá bhfuil cónaí ort, mar a bhfuil ríchathaoir Shátain; agus coinníonn tú m'ainm agus níor thréig tú do chreideamh ionam fiú i laethanta Aintipeas, an finné dílis liom a cuireadh chun báis ar an mbaile agaibh, mar a bhfuil cónaí ar Shátan.

[14]Tá beagán agam i d'aghaidh, áfach, mar tá daoine agat ansin atá ag cloí le teagasc Bhalám, an té a mhúin do Bhalac ceap tuisle a chur os comhair chlann Iosrael le go n-íosfaidís bia íobartha d'íola agus striapachas a dhéanamh.

[15]Tá daoine agat chomh maith atá ag cloí le teagasc na Niocoláiteach sa tslí chéanna.

[16]Déan aithrí dá bhrí sin. Mura ndéana tú, tiocfaidh mé chugat gan mhoill agus troidfidh mé leo le claíomh mo bhéil.

[17]An té a bhfuil cluas air, éisteadh sé lena bhfuil á rá ag an Spiorad leis na heaglaisí: An té a bheireann bua tabharfaidh mé dó cuid den mhana folaigh; agus tabharfaidh mé dó cloch gheal agus ainm nua scríofa ar an gcloch, ainm nach fios d'aon duine ach don té a ghlacann é.”

Tíaitíora

[18]“Scríobh go dtí aingeal na heaglaise i dTíaitíora: ‘Mar seo a deir Mac Dé, an té a bhfuil súile aige mar bhladhm thine, agus a bhfuil a chosa mar phrás líofa:

[19]Is eol dom d'oibreacha, agus do ghrá agus do chreideamh, agus do sheirbhís

tuas últimas obras, mais numerosas do que as primeiras.

agus d'fhoighne, agus go sáraíonn d'oibreacha le déanaí ar d'oibreacha a chéaduair.

[20] Tenho, porém, contra ti o tolerares que essa mulher, Jezabel, que a si mesma se declara profetisa, não somente ensine, mas ainda seduza os meus servos a praticarem a prostituição e a comerem coisas sacrificadas aos ídolos.

[20]Ach tá sé seo agam i d'aghaidh, go scaoileann tú leis an mbean Ízeibil a thugann banfháidh uirthi féin, agus a mhúineann agus a mheallann mo sheirbhísigh chun adhaltranas a dhéanamh agus bia íobartha d'íola a ithe.

[21] Dei-lhe tempo para que se arrependesse; ela, todavia, não quer arrepender-se da sua prostituição.

[21]Thug mé cairde di chun aithrí a dhéanamh, ach ní háil léi aithrí a dhéanamh ina hadhaltranas.

[22] Eis que a prostro de cama, bem como em grande tribulação os que com ela adulteram, caso não se arrependam das obras que ela incita.

[22]Féach! caithfidh mé ar leaba péine í agus lucht déanta striapachais léi i nduainéis mhór mura ndéana siad aithrí ina hoibreacha;

[23] Matarei os seus filhos, e todas as igrejas conhecerão que eu sou aquele que sonda mentes e corações, e vos darei a cada um segundo as vossas obras.

[23]agus imreoidh mé bás ar a clann, agus beidh fhios ag na heaglaisí uile gur mise a scrúdaíonn an aigne agus an croí, agus tabharfaidh mé do gach duine agaibh díol de réir bhur ngníomhartha.

[24] Digo, todavia, a vós outros, os demais de Tiatira, a tantos quantos não têm essa doutrina e que não conheceram, como eles dizem, as coisas profundas de Satanás: Outra carga não jogarei sobre vós;

[24]An chuid agaibhse i dTíaitíora, áfach, atá fágtha, iadsan uile nár ghlac leis an teagasc seo agus nár chuir eolas ar dhiamhra Shátain mar a thugann siad orthu, ní chuirfidh mé, a deirim libh, aon ualach eile oraibh;

[25] tão-somente conservai o que tendes, até que eu venha.

[25]ach coinnígí greim daingean ar a bhfuil agaibh go dtaga mé.

[26] Ao vencedor, que guardar até ao fim as minhas obras, eu lhe darei autoridade sobre as nações,

[26]Agus an té a bheireann bua agus a choimeádann m'oibreacha go dtí an deireadh, tabharfaidh mé údarás dó ar na ciníocha,

[27] e com cetro de ferro as regerá e as reduzirá a pedaços como se fossem objetos de barro;
[28] assim como também eu recebi de meu Pai, dar-lhe-ei ainda a estrela da manhã.
[29] Quem tem ouvidos, ouça o que o Espírito diz às igrejas.

[27]mar a fuair mise ó m'athair, agus déanfaidh sé iad a rialú le slat iarainn, faoi mar a bheadh soithí cré á mbascadh;
[28]agus tabharfaidh mé dó réalta na maidne.
[29]An té a bhfuil cluas air, éisteadh sé lena bhfuil á rá ag an Spiorad leis na heaglaisí."

Apocalipse 3

Carta à igreja em Sardes

[1] Ao anjo da igreja em Sardes escreve: Estas coisas diz aquele que tem os sete Espíritos de Deus e as sete estrelas: Conheço as tuas obras, que tens nome de que vives e estás morto.
[2] Sê vigilante e consolida o resto que estava para morrer, porque não tenho achado íntegras as tuas obras na presença do meu Deus.
[3] Lembra-te, pois, do que tens recebido e ouvido, guarda-o e arrepende-te. Porquanto, se não vigiares, virei como ladrão, e não conhecerás de modo algum em que hora virei contra ti.
[4] Tens, contudo, em Sardes, umas poucas pessoas que não contaminaram as suas vestiduras e andarão de branco junto comigo, pois são dignas.
[5] O vencedor será assim vestido de vestiduras brancas, e de modo nenhum apagarei o seu nome do Livro da Vida; pelo contrário, confessarei o seu nome diante de meu Pai e diante dos seus anjos.
[6] Quem tem ouvidos, ouça o que o Espírito diz às igrejas.

Carta à igreja em Filadélfia

Apacailipsis (Taispeántadh) 3

Sairdis

[1]"Scríobh go dtí aingeal na heaglaise i Sairdis: 'Mar seo a deir an té ag a bhfuil seacht spiorad Dé agus na seacht réalta: Is eol dom d'oibreacha, go bhfuil tú in ainm a bheith beo, ach gur marbh thú.
[2]Dúisigh agus neartaigh a bhfuil fágtha agus ar tí báis, óir ní bhfuair mé d'oibreacha foirfe os comhair mo Dhé.
[3]Cuimhnigh más ea cad a ghlac tú agus a chuala tú, agus coinnigh do ghreim agus déan aithrí. Mura ndúisí tú, tiocfaidh mé mar ghadaí agus ní bheidh a fhios agat cén uair a thiocfaidh mé ort.
[4]Ach tá beagán agat i Sairdis, daoine nár shalaigh a n-éidí; agus siúlóidh siad faram in éidí geala óir is fiú iad é.
[5]An té a bheireann bua beidh sé gléasta mar sin in éidí geala, agus ní scriosfaidh mé a ainm as leabhar na beatha, agus admhóidh mé a ainm os comhair m'athar agus os comhair a aingeal.
[6]An té a bhfuil cluas air, éisteadh sé lena bhfuil á rá ag an Spiorad leis na heaglaisí."

Filideilfia

[7] Ao anjo da igreja em Filadélfia escreve: Estas coisas diz o santo, o verdadeiro, aquele que tem a chave de Davi, que abre, e ninguém fechará, e que fecha, e ninguém abrirá:

[8] Conheço as tuas obras – eis que tenho posto diante de ti uma porta aberta, a qual ninguém pode fechar – que tens pouca força, entretanto, guardaste a minha palavra e não negaste o meu nome.

[9] Eis farei que alguns dos que são da sinagoga de Satanás, desses que a si mesmos se declaram judeus e não são, mas mentem, eis que os farei vir e prostrar-se aos teus pés e conhecer que eu te amei.

[10] Porque guardaste a palavra da minha perseverança, também eu te guardarei da hora da provação que há de vir sobre o mundo inteiro, para experimentar os que habitam sobre a terra.

[11] Venho sem demora. Conserva o que tens, para que ninguém tome a tua coroa.

[12] Ao vencedor, fá-lo-ei coluna no santuário do meu Deus, e daí jamais sairá; gravarei também sobre ele o nome do meu Deus, o nome da cidade do meu Deus, a nova Jerusalém que desce do céu, vinda da parte do meu Deus, e o meu novo nome.

[13] Quem tem ouvidos, ouça o que o Espírito diz às igrejas.

Carta à igreja em Laodiceia

[7]“Scríobh go dtí aingeal na heaglaise i bhFilideilfia: ‘Mar seo a deir an té is naofa, an té is fírinneach, an té ag a bhfuil eochair Dháiví, an té a osclaíonn agus nach ndúnann aon duine:

[8]Is eol dom d'oibreacha. Féach! chuir mé doras ar leathadh romhat, nach féidir d'aon duine a dhúnadh, óir is beag é an neart atá agat ach choinnigh tú m'fhocal agus níor shéan tú m'ainm.

[9]Féach! tabharfaidh mé do shionagóg Shátain iad siúd a deir gur Giúdaigh iad féin agus nach ea, ach gur bréag dóibh sin, agus, féach, cuirfidh mé iallach orthu teacht agus sléachtadh ag do chosa agus a thuiscint go bhfuil grá agam duit.

[10]De bhrí gur choinnigh tú focal m'fhoighne, coinneoidh mise thusa ó uair an chathaithe, atá le teacht ar an domhan go léir, chun lucht áitrithe an domhain a phromhadh.

[11]Ní fada go dtiocfaidh mé; coinnigh do ghreim ar a bhfuil agat, i dtreo nach sciobfadh aon duine do choróin.

[12]An té a bheireann bua, déanfaidh mé colún de i dteampall mo Dhé, agus ní rachaidh sé amach go deo arís; agus scríobhfaidh mé ainm mo Dhé air, agus ainm cathrach mo Dhé, an Iarúsailéim Nua, a thiocfaidh anuas ó neamh ó mo Dhia, agus m'ainm nua féin.

[13]An té a bhfuil cluas air le héisteacht, éisteadh sé lena bhfuil á rá ag an Spiorad leis na heaglaisí.”

Láoidícéa

[14] Ao anjo da igreja em Laodicéia escreve: Estas coisas diz o Amém, a testemunha fiel e verdadeira, o princípio da criação de Deus:

[15] Conheço as tuas obras, que nem és frio nem quente. Quem dera fosses frio ou quente!

[16] Assim, porque és morno e nem és quente nem frio, estou a ponto de vomitar-te da minha boca;

[17] pois dizes: Estou rico e abastado e não preciso de coisa alguma, e nem sabes que tu és infeliz, sim, miserável, pobre, cego e nu.

[18] Aconselho-te que de mim compres ouro refinado pelo fogo para te enriqueceres, vestiduras brancas para te vestires, a fim de que não seja manifesta a vergonha da tua nudez, e colírio para ungires os olhos, a fim de que vejas.

[19] Eu repreendo e disciplino a quantos amo. Sê, pois, zeloso e arrepende-te.

[20] Eis que estou à porta e bato; se alguém ouvir a minha voz e abrir a porta, entrarei em sua casa e cearei com ele, e ele, comigo.

[21] Ao vencedor, dar-lhe-ei sentar-se comigo no meu trono, assim como também eu venci e me sentei com meu Pai no seu trono.

[14]“Scríobh go dtí aingeal na heaglaise i Láoidícéa: ‘Mar seo a deir an tAmen, an finné dílis fírinneach, céadtús chruthúnas Dé.

[15]Is eol dom d'oibreacha, nach fuar thú agus nach te. Uch nach fuar nó te thú!

[16]De bhrí go bhfuil tú alabhog, gan a bheith fuar ná te, táim chun tú a sceitheadh as mo bhéal amach.

[17]Óir deir tú: “Táim saibhir, táim faoi chonách, níl aon easpa orm”; agus gan a fhios agat go bhfuil tú dearóil, truamhéileach, bocht, dall, gan éadach.

[18]Comhairlím duit ór a cheannach uaim atá profa sa tine, chun go mbeifeá saibhir; agus éidí geala le cur ort chun nár léir náire do bhall nocht; agus uinnimint le do shúile a ungadh chun go mbeadh radharc agat.

[19]An lucht dá dtugaim grá, ceartaím agus smachtaím; bí díograiseach, uime sin, agus déan aithrí.

[20]Seo mé i mo sheasamh ag an doras, agus ag bualadh air; má chloiseann aon duine mo ghuth agus an doras a oscailt dom, tiocfaidh mé isteach chuige agus beidh bia agam fairis agus aigesean faramsa.

[21]An té a bheireann bua, tabharfaidh mé cead dó suí taobh liom i mo ríchathaoir, faoi mar a bhí an bua agamsa agus gur shuigh mé taobh le m'athair ina ríchathaoir.

[22] Quem tem ouvidos, ouça o que o Espírito diz às igrejas.

Apocalipse 4

A visão do trono de Deus

[1] Depois destas coisas, olhei, e eis não somente uma porta aberta no céu, como também a primeira voz que ouvi, como de trombeta ao falar comigo, dizendo: Sobe para aqui, e te mostrarei o que deve acontecer depois destas coisas.

[2] Imediatamente, eu me achei em espírito, e eis armado no céu um trono, e, no trono, alguém sentado;

[3] e esse que se acha assentado é semelhante, no aspecto, a pedra de jaspe e de sardônio, e, ao redor do trono, há um arco-íris semelhante, no aspecto, a esmeralda.

[4] Ao redor do trono, há também vinte e quatro tronos, e assentados neles, vinte e quatro anciãos vestidos de branco, em cujas cabeças estão coroas de ouro.

[5] Do trono saem relâmpagos, vozes e trovões, e, diante do trono, ardem sete tochas de fogo, que são os sete Espíritos de Deus.

[6] Há diante do trono um como que mar de vidro, semelhante ao cristal, e também, no meio do trono e à volta do trono, quatro

[22]An té a bhfuil cluas air, éisteadh sé lena bhfuil á rá ag an Spiorad leis na heaglaisí.' ”

Apacailipsis (Taispeántadh) 4

Na Físeanna Fáigiúla
Cuireann Dia an Domhan i Lámh an Uain

[1]Bhí fís agam ina dhiaidh sin, agus ba shiúd doras oscailte ar neamh, agus an chéad ghlór a chuala ag labhairt liom mar ghlór trumpa, bhí sé á rá: "Gabh anseo aníos agus taispeánfaidh mé duit a gcaithfidh teacht ina ndiaidh seo."

[2]Bhí mé faoi luí an Spioraid gan mhoill, agus, féach, bhí ríchathaoir suite sna flaithis, agus neach ina shuí sa chathaoir sin.

[3]Agus an té a bhí ina shuí bhí sé ar lí seaspair agus sairdis agus bhí bogha ceatha timpeall na ríchathaoireach ar dhealramh na smaragaide.

[4]Bhí ceithre ríchathaoir fichead mórthimpeall na ríchathaoireach agus ceathrar seanóirí fichead ina suí sna ríchathaoireacha, iad gléasta in éidí geala agus corónacha óir ar a gceann.

[5]Gabhann amach ón ríchathaoir splancacha tintrí, glórtha agus toirneacha; bíonn seacht lóchrann tine ar lasadh os comhair na ríchathaoireach, agus is iadsan seacht spiorad Dé.

[6]Agus os comhair na ríchathaoireach tá mar a bheadh farraige gloine, cosúil le criostal. Agus i lár baill ag an ríchathaoir, agus mórthimpeall na ríchathaoireach, tá

seres viventes cheios de olhos por diante e por detrás.

7 O primeiro ser vivente é semelhante a leão, o segundo, semelhante a novilho, o terceiro tem o rosto como de homem, e o quarto ser vivente é semelhante à águia quando está voando.

8 E os quatro seres viventes, tendo cada um deles, respectivamente, seis asas, estão cheios de olhos, ao redor e por dentro; não têm descanso, nem de dia nem de noite, proclamando: Santo, Santo, Santo é o SENHOR Deus, o Todo-Poderoso, aquele que era, que é e que há de vir.

9 Quando esses seres viventes derem glória, honra e ações de graças ao que se encontra sentado no trono, ao que vive pelos séculos dos séculos,

10 os vinte e quatro anciãos prostrar-se-ão diante daquele que se encontra sentado no trono, adorarão o que vive pelos séculos dos séculos e depositarão as suas coroas diante do trono, proclamando:

11 Tu és digno, SENHOR e Deus nosso, de receber a glória, a honra e o poder, porque todas as coisas tu criaste, sim, por causa da tua vontade vieram a existir e foram criadas.

Apocalipse 5

ceithre dhúil bheo atá lán de shúile chun tosaigh agus laistiar.

7Is cosúil an chéad dúil bheo le leon agus an dara dúil le damh; tá aghaidh mar aghaidh duine ar an tríú dúil, agus tá an ceathrú dúil cosúil le hiolar ar eitilt.

8Agus bíonn sé sciatháin ar gach ceann de na ceithre dúile beo, agus iad lán de shúile mórthimpeall agus laistigh; ní théann aon stad orthu de lá ná d'oíche ach ag rá:

9“Is naofa, naofa, naofa, an Tiarna Dia Uilechumhachtach; an té a bhí ann, atá, agus atá le teacht.”

10Agus i gcónaí nuair a thugann na dúile glóir agus onóir agus buíochas don té atá ina shuí sa ríchathaoir, an té a mhaireann ar feadh na síoraíochta, sléachtann an ceathrar seanóirí fichead go talamh os comhair an té atá ina shuí sa ríchathaoir, agus adhrann siad an té a mhaireann ar feadh na síoraíochta, agus caitheann a gcorónacha síos os comhair na ríchathaoireach á rá:

11“A Thiarna agus a Dhia linn, is fiú thú glóir agus onóir agus cumhacht a fháil, óir is tú a chruthaigh an uile ní agus is trí do thoil a tháinig siad ann agus a cruthaíodh iad.”

Apacailipsis (Taispeántadh) 5

A visão do livro selado com sete selos e a do Cordeiro

[1] Vi, na mão direita daquele que estava sentado no trono, um livro escrito por dentro e por fora, de todo selado com sete selos.

[2] Vi, também, um anjo forte, que proclamava em grande voz: Quem é digno de abrir o livro e de lhe desatar os selos?

[3] Ora, nem no céu, nem sobre a terra, nem debaixo da terra, ninguém podia abrir o livro, nem mesmo olhar para ele;

[4] e eu chorava muito, porque ninguém foi achado digno de abrir o livro, nem mesmo de olhar para ele.

[5] Todavia, um dos anciãos me disse: Não chores; eis que o Leão da tribo de Judá, a Raiz de Davi, venceu para abrir o livro e os seus sete selos.

[6] Então, vi, no meio do trono e dos quatro seres viventes e entre os anciãos, de pé, um Cordeiro como tendo sido morto. Ele tinha sete chifres, bem como sete olhos, que são os sete Espíritos de Deus enviados por toda a terra.

[7] Veio, pois, e tomou o livro da mão direita daquele que estava sentado no trono;

[8] e, quando tomou o livro, os quatro seres viventes e os vinte e quatro anciãos prostraram-se diante do Cordeiro, tendo cada um deles uma harpa e taças de ouro cheias de incenso, que são as orações dos santos,

[1]Agus chonaic mé go raibh, i ndeaslámh an té a bhí ina shuí sa ríchathaoir, scrolla ar a raibh scríbhneoireacht laistigh agus lasmuigh, agus é séalaithe le seacht séala;

[2]agus chonaic mé aingeal tréan ag fógairt de ghlór ard: “Cé hé ar fiú é an scrolla a oscailt agus a shéalaí a bhriseadh?”

[3]Ach níor fhéad aon duine ar neamh ná ar talamh ná faoin talamh an scrolla a oscailt, ná féachaint air.

[4]Ghoil mé go fuíoch mar nach bhfuarthas aon duine arbh fhiú é an scrolla a oscailt ná féachaint air.

[5]Ach dúirt duine de na seanóirí liom: “Ná bí ag gol. Féach! bhí an bua ag an leon de threibh Iúdá, fréamh Dháiví, i dtreo go n-osclóidh sé an scrolla agus a sheacht séala.”

[6]Agus chonaic mé an tUan, mar a bheadh tar éis a bhásaithe, ina sheasamh i lár slí, idir an ríchathaoir agus na ceithre dúile beo, agus na seanóirí; bhí seacht n-adharc air agus seacht súil aige arbh iad seacht spiorad Dé a seoladh amach ar fud an domhain uile.

[7]Agus tháinig sé agus thóg sé [an scrolla] as deaslámh an té a bhí ina shuí sa ríchathaoir.

[8]Agus nuair a thóg sé an scrolla, shléacht na ceithre dúile beo agus an ceathrar seanóirí fichead go talamh os comhair an Uain, agus ag cách díobh bhí cruit agus cuach óir lán de thúis - urnaithe na naomh is é sin.

[9] e entoavam novo cântico, dizendo: Digno és de tomar o livro e de abrir-lhe os selos, porque foste morto e com o teu sangue compraste para Deus os que procedem de toda tribo, língua, povo e nação

[9]Chan siad iomann nua á rá: “Is fiú thú an scrolla a ghlacadh, agus a shéalaí a bhriseadh, óir básaíodh thú agus d'fhuascail tú daoine do Dhia le d'fhuil, as gach treibh, agus teanga, agus pobal, agus cine,

[10] e para o nosso Deus os constituíste reino e sacerdotes; e reinarão sobre a terra.

[10]agus rinne tú díobh ríocht agus sagairt dár nDia, agus rialóidh siad ar talamh.”

[11] Vi e ouvi uma voz de muitos anjos ao redor do trono, dos seres viventes e dos anciãos, cujo número era de milhões de milhões e milhares de milhares,

[11]Ansin san fhís dom, chuala mé glór iliomad aingeal timpeall na ríchathaoireach agus na ndúl beo, agus na seanóirí, agus ba é a líon deich míle faoi dheich míle agus na mílte ar mhílte.

[12] proclamando em grande voz: Digno é o Cordeiro que foi morto de receber o poder, e riqueza, e sabedoria, e força, e honra, e glória, e louvor.

[12]Agus is é a bhí á rá acu de ghlór ard: “Is fiú é an tUan arna bhású, é a fháil cumhachta, agus saibhris, agus eagna, agus nirt, agus onóra, agus glóire, agus molta.”

[13] Então, ouvi que toda criatura que há no céu e sobre a terra, debaixo da terra e sobre o mar, e tudo o que neles há, estava dizendo: Àquele que está sentado no trono e ao Cordeiro, seja o louvor, e a honra, e a glória, e o domínio pelos séculos dos séculos.

[13]Ansin, an uile chréatúr sna flaithis, agus ar talamh, agus faoi thalamh, agus san fharraige, chuala mé iad go léir sna baill sin, á rá: “Go raibh moladh agus onóir agus glóir agus cumhacht don té atá ina shuí sa ríchathaoir agus don Uan ar feadh na síoraíochta.”

[14] E os quatro seres viventes respondiam: Amém! Também os anciãos prostraram-se e adoraram.

[14]Agus dúirt na ceithre dúile: “Amen.” Agus shléacht na seanóirí agus rinne siad adhradh.

Apocalipse 6

O Cordeiro abre os selos. O primeiro selo

[1] Vi quando o Cordeiro abriu um dos sete selos e ouvi um dos quatro seres viventes dizendo, como se fosse voz de trovão: Vem!

Apacailipsis (Taispeántadh) 6

Osclaíonn an tUan Sé Shéala

[1]Ansin san fhís dom, nuair a d'oscail an tUan an chéad cheann de na seacht séala, chuala mé ceann de na ceithre dúile beo á rá de ghlór mar thoirneach: “Tar.”

[2] Vi, então, e eis um cavalo branco e o seu cavaleiro com um arco; e foi-lhe dada uma coroa; e ele saiu vencendo e para vencer.

[2]D'fhéach mé agus b'shiúd an t-each bán, agus bogha ag a mharcach; tugadh coróin dó agus chuaigh sé amach faoi bhua agus chun bua a bhreith.

O segundo selo

[3] Quando abriu o segundo selo, ouvi o segundo ser vivente dizendo: Vem!

[3]Nuair a d'oscail sé an dara séala, chuala mé an dara dúil á rá: "Tar."

[4] E saiu outro cavalo, vermelho; e ao seu cavaleiro, foi-lhe dado tirar a paz da terra para que os homens se matassem uns aos outros; também lhe foi dada uma grande espada.

[4]Agus amach le heach eile, é seo craorag, agus ceadaíodh dá mharcach an tsíocháin a bhreith leis ón talamh, chun go maródh daoine a chéile; agus tugadh claíomh mór dó.

O terceiro selo

[5] Quando abriu o terceiro selo, ouvi o terceiro ser vivente dizendo: Vem! Então, vi, e eis um cavalo preto e o seu cavaleiro com uma balança na mão.

[5]Nuair a d'oscail sé an tríú séala chuala mé an tríú dúil á rá: "Tar." D'fhéach mé agus b'shiúd an t-each dubh, agus scálaí ina láimh ag a mharcach.

[6] E ouvi uma como que voz no meio dos quatro seres viventes dizendo: Uma medida de trigo por um denário; três medidas de cevada por um denário; e não danifiques o azeite e o vinho.

[6]Agus chuala mé mar a bheadh guth i lár na gceithre dúile beo á rá: "Miosúr cruithneachta ar phingin, agus trí mhiosúr eorna ar phingin; agus ná mill an ola ná an fíon."

O quarto selo

[7] Quando o Cordeiro abriu o quarto selo, ouvi a voz do quarto ser vivente dizendo: Vem!

[7]Nuair a d'oscail sé an ceathrú séala, chuala guth an cheathrú dúil bheo á rá: "Tar."

[8] E olhei, e eis um cavalo amarelo e o seu cavaleiro, sendo este chamado Morte; e o Inferno o estava seguindo, e foi-lhes dada autoridade sobre a quarta parte da terra para matar à espada, pela fome, com a mortandade e por meio das feras da terra.

[8]D'fhéach mé, agus b'shiúd an t-each báiteach bán agus "An Bás" a ba ainm don mharcach a bhí air, agus lean Ifreann é; agus tugadh dóibh cumhacht ar an gceathrú cuid den domhan chun maraithe leis an gclaíomh, le gorta, le plá agus le hainmhithe allta na talún.

O quinto selo

[9] Quando ele abriu o quinto selo, vi, debaixo do altar, as almas daqueles que tinham sido mortos por causa da palavra

[9]Nuair a d'oscail sé an cúigiú séala, chonaic mé faoin altóir a n-anmacha uile

de Deus e por causa do testemunho que sustentavam.

10 Clamaram em grande voz, dizendo: Até quando, ó Soberano SENHOR, santo e verdadeiro, não julgas, nem vingas o nosso sangue dos que habitam sobre a terra?

11 Então, a cada um deles foi dada uma vestidura branca, e lhes disseram que repousassem ainda por pouco tempo, até que também se completasse o número dos seus conservos e seus irmãos que iam ser mortos como igualmente eles foram.

O sexto selo

12 Vi quando o Cordeiro abriu o sexto selo, e sobreveio grande terremoto. O sol se tornou negro como saco de crina, a lua toda, como sangue,

13 as estrelas do céu caíram pela terra, como a figueira, quando abalada por vento forte, deixa cair os seus figos verdes,

14 e o céu recolheu-se como um pergaminho quando se enrola. Então, todos os montes e ilhas foram movidos do seu lugar.

15 Os reis da terra, os grandes, os comandantes, os ricos, os poderosos e todo escravo e todo livre se esconderam nas cavernas e nos penhascos dos montes

16 e disseram aos montes e aos rochedos: Caí sobre nós e escondei-nos da face

úd a maraíodh ar son bhriathar Dé agus ar son na fianaise a thug siad.

10Agus ghlaoigh siad de ghuth ard: "A Thiarna uasail, atá naofa fírinneach, cá fada go ndéana tú breithiúnas agus díoltas ar son ár gcuid fola ar áitritheoirí an domhain?"

11Ansin tugadh éide gheal do gach duine díobh agus dúradh leo feitheamh go fóillín go gcomhlíonfaí líon a gcomhsheirbhíseach agus a mbráithre a bhí le cur chun báis, a ndála féin.

12Nuair a d'oscail sé an séú séala, d'fhéach mé; agus tharla crith mór talún, agus dhubhaigh an ghrian mar éadach róin, agus dheargaigh an ghealach go léir mar fhuil,

13agus thit réaltaí neimhe chun talún faoi mar a scaoileann an crann fígí a chaora geimhridh uaidh nuair a croitheann cóch gaoithe é.

14Agus bhailigh an spéir léi mar scrolla ag filleadh ar a chéile agus cuireadh gach sliabh agus gach oileán as a n-ionad.

15Ansin, ríthe an domhain, agus na maithe móra, agus na cinn feadhma, lucht an tsaibhris agus an nirt, agus gach daor agus saor, chuaigh siad i bhfolach i bpluaiseanna agus i measc carraigeacha na gcnoc,

16agus iad á rá leis na cnoic agus leis na carraigeacha: "Titigí orainn agus folaigí

daquele que se assenta no trono e da ira do Cordeiro,

[17] porque chegou o grande Dia da ira deles; e quem é que pode suster-se?

sinn ar ghnúis an té atá ina shuí sa ríchathaoir agus ar fhearg an Uain;

[17]óir tháinig lá mór a fheirge, agus cé a fhéadann é a sheasamh?”

Apocalipse 7

Os cento e quarenta e quatro mil selados de Israel

[1] Depois disto, vi quatro anjos em pé nos quatro cantos da terra, conservando seguros os quatro ventos da terra, para que nenhum vento soprasse sobre a terra, nem sobre o mar, nem sobre árvore alguma.

[2] Vi outro anjo que subia do nascente do sol, tendo o selo do Deus vivo, e clamou em grande voz aos quatro anjos, aqueles aos quais fora dado fazer dano à terra e ao mar,

[3] dizendo: Não danifiqueis nem a terra, nem o mar, nem as árvores, até selarmos na fronte os servos do nosso Deus.

[4] Então, ouvi o número dos que foram selados, que era cento e quarenta e quatro mil, de todas as tribos dos filhos de Israel:

[5] da tribo de Judá foram selados doze mil; da tribo de Rúben, doze mil; da tribo de Gade, doze mil;

[6] da tribo de Aser, doze mil; da tribo de Naftali, doze mil; da tribo de Manassés, doze mil;

Apacailipsis (Taispeántadh) 7

Saorfar Seirbhísigh Dé

[1]Ina dhiaidh sin chonaic mé ceithre aingeal ina seasamh ar cheithre chúinne an domhain agus ceithre ghaoth an domhain á gcoimeád siar acu i dtreo nach séidfeadh aon ghaoth ar tír ná ar muir, ná ar aon chrann.

[2]Ansin chonaic mé aingeal eile ag gabháil suas ó éirí gréine agus séala le Dia beo aige, agus ghlaoigh sé in ard a ghutha ar na ceithre aingeal ar ar cuireadh de chúram dochar a dhéanamh do thalamh agus do mhuir,

[3]agus dúirt sé: “Ná déanaigí dochar do thalamh ná do mhuir ná do na crainn nó go gcuirfimid séala ar chláréadan sheirbhísigh Dé.”

[4]Agus chuala mé líon na ndaoine ar cuireadh an séala orthu, céad agus daichead a ceathair míle agus iad as gach treibh de chlann Iosrael.

[5]Cuireadh an séala ar dhá mhíle dhéag de threibh Iúdá, ar dhá mhíle dhéag de threibh Reúbaen, ar dhá mhíle dhéag de threibh Ghád,

[6]ar dhá mhíle dhéag de threibh Áiséar, ar dhá mhíle dhéag de threibh Naftáilím, ar dhá mhíle dhéag de threibh Mhanaise,

[7] da tribo de Simeão, doze mil; da tribo de Levi, doze mil; da tribo de Issacar, doze mil;

[8] da tribo de Zebulom, doze mil; da tribo de José, doze mil; da tribo de Benjamim foram selados doze mil.

A visão dos glorificados

[9] Depois destas coisas, vi, e eis grande multidão que ninguém podia enumerar, de todas as nações, tribos, povos e línguas, em pé diante do trono e diante do Cordeiro, vestidos de vestiduras brancas, com palmas nas mãos;

[10] e clamavam em grande voz, dizendo: Ao nosso Deus, que se assenta no trono, e ao Cordeiro, pertence a salvação.

[11] Todos os anjos estavam de pé rodeando o trono, os anciãos e os quatro seres viventes, e ante o trono se prostraram sobre o seu rosto, e adoraram a Deus,

[12] dizendo: Amém! O louvor, e a glória, e a sabedoria, e as ações de graças, e a honra, e o poder, e a força sejam ao nosso Deus, pelos séculos dos séculos. Amém!

[13] Um dos anciãos tomou a palavra, dizendo: Estes, que se vestem de vestiduras brancas, quem são e donde vieram?

[14] Respondi-lhe: meu SENHOR, tu o sabes. Ele, então, me disse: São estes os que vêm da grande tribulação, lavaram suas

[7]ar dhá mhíle dhéag de threibh Shimeon, ar dhá mhíle dhéag de threibh Léiví, ar dhá mhíle dhéag de threibh Íosácár,

[8]ar dhá mhíle dhéag de threibh Zabúlun, ar dhá mhíle dhéag de threibh Iósaef, ar dhá mhíle dhéag de threibh Bhiniáimin.

Luach Saothair do na Naoimh

[9]Ina dhiaidh sin b'shiúd an mathshlua mór nárbh fhéidir d'aon duine a chomhaireamh as gach cine agus treibh agus pobal agus teanga; bhí siad ina seasamh os comhair na ríchathaoireach agus os comhair an Uain, iad gléasta in éidí geala agus craobhacha pailme acu ina lámha.

[10]Agus bhí siad ag glaoch de ghlór ard: “Slánú dár nDia a shuíonn sa ríchathaoir agus don Uan!”

[11]Bhí na haingil go léir ina seasamh mórthimpeall na ríchathaoireach agus na seanóirí agus na gceithre dhúil, agus chaith siad iad féin ar a n-aghaidh os comhair na ríchathaoireach ag adhradh Dé

[12]á rá: “Amen. Beannacht agus glóir agus eagna agus buíochas agus onóir agus cumhacht agus neart dár nDia go deo deo. Amen.”

[13]Ansin labhair duine de na seanóirí agus dúirt sé liom: “Iad seo atá gléasta in éidí geala, cé hiad féin agus cad as ar tháinig siad?”

[14]Dúirt mé mar fhreagra air: “A Thiarna liom, tá fhios agat.” Agus dúirt sé liom: “Is iadsan an dream atá gafa tríd an duainéis

vestiduras e as alvejaram no sangue do Cordeiro,

mhór; nigh siad agus gheal siad a n-éidí i bhfuil an Uain.

15 razão por que se acham diante do trono de Deus e o servem de dia e de noite no seu santuário; e aquele que se assenta no trono estenderá sobre eles o seu tabernáculo.

15Uime sin tá siad os comhair ríchathaoir Dé, agus déanann siad seirbhís dó de lá agus d'oíche ina theampall; agus, an té atá ina shuí sa ríchathaoir, beidh sé ina measc á gcosaint;

16 Jamais terão fome, nunca mais terão sede, não cairá sobre eles o sol, nem ardor algum,

16ní bheidh tart orthu feasta, ná ocras, ná ní chiapfaidh an ghrian iad ná an brothall dearg.

17 pois o Cordeiro que se encontra no meio do trono os apascentará e os guiará para as fontes da água da vida. E Deus lhes enxugará dos olhos toda lágrima.

17Óir, an tUan atá i lár baill ag an ríchathaoir, is é a bheidh mar aoire acu, agus treoróidh sé iad go toibreacha na beatha; agus glanfaidh Dia an uile dheoir dá súile.”

Apocalipse 8

O sétimo selo. Os sete anjos com as suas trombetas

1 Quando o Cordeiro abriu o sétimo selo, houve silêncio no céu cerca de meia hora.

2 Então, vi os sete anjos que se acham em pé diante de Deus, e lhes foram dadas sete trombetas.

3 Veio outro anjo e ficou de pé junto ao altar, com um incensário de ouro, e foi-lhe dado muito incenso para oferecê-lo com as orações de todos os santos sobre o altar de ouro que se acha diante do trono;

4 e da mão do anjo subiu à presença de Deus a fumaça do incenso, com as orações dos santos.

Apacailipsis (Taispeántadh) 8

1Nuair a d'oscail [an tUan] an seachtú séala, tharla ciúnas, mar a bheadh ar feadh leathuaire, sna flaithis.

An Seachtú Séala -- Urnaithe na Naomh ag Brostú an Lae

2Ansin chonaic mé seacht dtrumpa á dtabhairt do na seacht n-aingil a bhí ina seasamh os comhair Dé.

3Agus tháinig aingeal eile agus sheas sé ag an altóir agus túiseoir órga aige; agus tugadh dó iliomad túise le cumasc le hurnaithe na naomh ar an altóir órga a bhí os comhair na ríchathaoireach.

4Agus chuaigh deatach na túise mar aon le hurnaithe na naomh go léir in airde ó lámh an aingil a bhí os comhair Dé.

[5] E o anjo tomou o incensário, encheu-o do fogo do altar e o atirou à terra. E houve trovões, vozes, relâmpagos e terremoto.

[5]Ansin thóg an t-aingeal an túiseoir agus líon é le tine ón altóir agus theilg ar an domhan é. D'éirigh raistí toirní, agus tormáin, agus tintreacha, agus crith talún.

Na Chéad Cheithre Thrumpa

[6] Então, os sete anjos que tinham as sete trombetas prepararam-se para tocar.

[6]Ansin phrapáil na seacht n-aingil leis na seacht dtrumpaí chun iad a shéideadh.

A primeira trombeta

[7] O primeiro anjo tocou a trombeta, e houve saraiva e fogo de mistura com sangue, e foram atirados à terra. Foi, então, queimada a terça parte da terra, e das árvores, e também toda erva verde.

[7]Shéid an chéad aingeal a thrumpa, agus tharla clocha sneachta agus tine measctha ar fhuil agus teilgeadh ar an domhan iad; loisceadh trian an domhain, loisceadh trian na gcrann, agus loisceadh an féar glas go léir.

A segunda trombeta

[8] O segundo anjo tocou a trombeta, e uma como que grande montanha ardendo em chamas foi atirada ao mar, cuja terça parte se tornou em sangue,

[8]Shéid an dara haingeal a thrumpa agus teilgeadh mar a bheadh sliabh mór ar dearglasadh amach san fharraige.

[9] e morreu a terça parte da criação que tinha vida, existente no mar, e foi destruída a terça parte das embarcações.

[9]Rinneadh fuil de thrian den fharraige agus fuair trian de mhíola beo na farraige bás, agus scriosadh trian na long.

A terceira trombeta

[10] O terceiro anjo tocou a trombeta, e caiu do céu sobre a terça parte dos rios, e sobre as fontes das águas uma grande estrela, ardendo como tocha.

[10]Shéid an tríú haingeal a thrumpa. Thit réalta mhór ó na flaithis, í ar lasadh mar a bheadh lóchrann; agus thit sí ar thrian na n-aibhneacha agus ar na toibreacha fíoruisce.

[11] O nome da estrela é Absinto; e a terça parte das águas se tornou em absinto, e muitos dos homens morreram por causa dessas águas, porque se tornaram amargosas.

[11]“Mormónta” is ea a thugtar mar ainm ar an réalta. Agus rinne mormónta de thrian na n-uiscí, agus is iomaí duine a fuair bás ó na huiscí mar gur éirigh siad searbh.

A quarta trombeta

[12] O quarto anjo tocou a trombeta, e foi ferida a terça parte do sol, da lua e das estrelas, para que a terça parte deles

[12]Ansin shéid an ceathrú haingeal a thrumpa agus buaileadh trian den ghrian agus den ghealach agus trian de na réaltaí,

escurecesse e, na sua terça parte, não brilhasse, tanto o dia como também a noite.

13 Então, vi e ouvi uma águia que, voando pelo meio do céu, dizia em grande voz: Ai! Ai! Ai dos que moram na terra, por causa das restantes vozes da trombeta dos três anjos que ainda têm de tocar!

i dtreo gur dhorchaigh ar thrian díobh agus go raibh trian den lá gan soilsiú agus trian den oíche mar an gcéanna.

13Ansin i bhfís dom chuala mé iolar ag glaoch go hard agus é ag eitilt in arda neimhe: “Mairg, mairg, mairg dá bhfuil ag áitreabh ar thalamh, de bharr ghlór na dtrumpaí eile atá le séideadh ag na trí haingil.”

Apocalipse 9

A quinta trombeta

1 O quinto anjo tocou a trombeta, e vi uma estrela caída do céu na terra. E foi-lhe dada a chave do poço do abismo.

2 Ela abriu o poço do abismo, e subiu fumaça do poço como fumaça de grande fornalha, e, com a fumaceira saída do poço, escureceu-se o sol e o ar.

3 Também da fumaça saíram gafanhotos para a terra; e foi-lhes dado poder como o que têm os escorpiões da terra,

4 e foi-lhes dito que não causassem dano à erva da terra, nem a qualquer coisa verde, nem a árvore alguma e tão-somente aos homens que não têm o selo de Deus sobre a fronte.

5 Foi-lhes também dado, não que os matassem, e sim que os atormentassem durante cinco meses. E o seu tormento era como tormento de escorpião quando fere alguém.

6 Naqueles dias, os homens buscarão a morte e não a acharão; também terão

Apacailipsis (Taispeántadh) 9

An Cúigiú Trumpa

1Ansin shéid an cúigiú haingeal a thrumpa agus chonaic mé réalta a thit chun na talún ó na flaithis agus tugadh dó eochair an phoill duibheagáin.

2Agus d'oscail sé an poll duibheagáin agus d'éirigh as an bpoll deatach mar dheatach bhéilteach thine agus dhorchaigh an ghrian agus an spéir ó dheatach an phoill.

3Ansin snigh lócaistí as an deatach ar an talamh agus tugadh dóibh cumhacht mar an gcumhacht atá ag scairpí na talún.

4Dúradh leo gan dochar a dhéanamh d'fhéar na talún, ná d'aon fhás ná d'aon chrann, ach amháin do na daoine nach raibh séala Dé ar a n-éadan.

5Ná níor tugadh de chead dóibh iad a mharú, ach a bheith á bpianadh ar feadh chúig mhí, agus cealg a bpéine mar chealg scairpe nuair a chuireann sí i nduine í.

6Sna laethanta úd beidh daoine ar lorg an bháis ach gan é a fháil, agus ag tnúth le bás a fháil, ach éalóidh an bás uathu.

ardente desejo de morrer, mas a morte fugirá deles.

[7] O aspecto dos gafanhotos era semelhante a cavalos preparados para a peleja; na sua cabeça havia como que coroas parecendo de ouro; e o seu rosto era como rosto de homem;

[8] tinham também cabelos, como cabelos de mulher; os seus dentes, como dentes de leão;

[9] tinham couraças, como couraças de ferro; o barulho que as suas asas faziam era como o barulho de carros de muitos cavalos, quando correm à peleja;

[10] tinham ainda cauda, como escorpiões, e ferrão; na cauda tinham poder para causar dano aos homens, por cinco meses;

[11] e tinham sobre eles, como seu rei, o anjo do abismo, cujo nome em hebraico é Abadom, e em grego, Apoliom.

[12] O primeiro ai passou. Eis que, depois destas coisas, vêm ainda dois ais.

A sexta trombeta

[13] O sexto anjo tocou a trombeta, e ouvi uma voz procedente dos quatro ângulos do altar de ouro que se encontra na presença de Deus,

[14] dizendo ao sexto anjo, o mesmo que tem a trombeta: Solta os quatro anjos que se encontram atados junto ao grande rio Eufrates.

[15] Foram, então, soltos os quatro anjos que se achavam preparados para a hora, o dia,

[7]Ba chuma iad na lócaistí, le féachaint orthu, le capaill feistithe chun catha; ar a gceann bhí coróin mar a bheadh d'ór, agus a gceannaithe mar a bheadh ceannaithe daoine;

[8]bhí gruaig orthu mar ghruaig ban, agus fiacla acu mar fhiacla leon.

[9]Bhí lúirigh orthu mar lúirigh iarainn, agus bhí torann a sciathán mar a bheadh torann mórán carbad agus a gcapaill ar ruathar chun catha.

[10]Tá eireaball orthu cosúil le scairp agus cealg ann; agus is san eireaball atá a gcumhacht chun bheith ag pianadh na ndaoine ar feadh chúig mhí.

[11]Tá aingeal an duibheagáin acu mar rí orthu; tugtar Abadón mar ainm air san Eabhráis agus Apolúón [nó Scriostóir] sa Ghréigis.

[12]Tá mairg a haon imithe léi. Féach, seo dhá mhairg eile le teacht fós.

An Séú Trumpa

[13]Ansin shéid an séú haingeal a thrumpa, agus chuala mé an glór ag teacht ó cheithre chorr na haltóra óir a bhí os comhair Dé,

[14]agus é á rá leis an séú haingeal a raibh an trumpa aige: “Scaoil na ceithre haingil atá faoi chuibhreacha lámh le habhainn mhór an Eofrataes.”

[15]Agus scaoileadh leis na ceithre haingil a bhí ar tinneall socair don uair agus don lá

o mês e o ano, para que matassem a terça parte dos homens.

[16] O número dos exércitos da cavalaria era de vinte mil vezes dez milhares; eu ouvi o seu número.

[17] Assim, nesta visão, contemplei que os cavalos e os seus cavaleiros tinham couraças cor de fogo, de jacinto e de enxofre. A cabeça dos cavalos era como cabeça de leão, e de sua boca saía fogo, fumaça e enxofre.

[18] Por meio destes três flagelos, a saber, pelo fogo, pela fumaça e pelo enxofre que saíam da sua boca, foi morta a terça parte dos homens;

[19] pois a força dos cavalos estava na sua boca e na sua cauda, porquanto a sua cauda se parecia com serpentes, e tinha cabeça, e com ela causavam dano.

[20] Os outros homens, aqueles que não foram mortos por esses flagelos, não se arrependeram das obras das suas mãos, deixando de adorar os demônios e os ídolos de ouro, de prata, de cobre, de pedra e de pau, que nem podem ver, nem ouvir, nem andar;

[21] nem ainda se arrependeram dos seus assassínios, nem das suas feitiçarias, nem da sua prostituição, nem dos seus furtos.

Apocalipse 10

Os anjos e os sete trovões. João e o livrinho

[1] Vi outro anjo forte descendo do céu, envolto em nuvem, com o arco-íris por cima de sua cabeça; o rosto era como o sol, e as pernas, como colunas de fogo;

agus don mhí agus don bhliain, chun go maróidís trian an chine dhaonna.

[16]Agus ba é líon na ndíormaí marcshlua - chuala mé a líon - dhá oiread deich míle de dheich míle fear.

[17]Agus is mar seo a chonaic mé na heacha i m'fhís: bhí lúireacha lasracha ar dhath na hiasainte agus na ruibhe ar na marcaigh; bhí cinn na n-each mar chinn leon agus bhí tine agus deatach agus ruibh ag sileadh óna mbéala.

[18]Ba leis na trí plánna sin a maraíodh trian den chine daonna, leis an tine, leis an deatach agus leis an ruibh ag sileadh óna mbéal.

[19]Óir tá cumhacht na n-each ina mbéal agus ina n-eireaball. Tá a n-eireabaill mar nathracha nimhe, agus cinn orthu, agus is leo a dhéanaid dochar.

[20]Ach an chuid eile den chine daonna a fágadh gan marú ag na plánna seo, ní dhearna siad aithrí in oibreacha a lámh agus gan adhradh do na deamhain ná do na híola óir ná airgid ná cré-umha ná cloiche ná adhmaid, nithe atá gan cumas radhairc ná éisteachta ná siúil.

[21]Ní mó ná sin a rinne siad aithrí ina ndúnmharuithe ná ina n-asarlaíocht ná ina gcuid striapachais ná gadaíochta.

Apacailipsis (Taispeántadh) 10

An Pionós Deiridh ag Bagairt

[1]Ansin chonaic mé aingeal tréan eile ag tuirlingt ó na flaithis, agus néal mar éide ina thimpeall, agus an bogha sine ar a

cheann. Bhí a cheannaithe mar an ngrian agus a chosa mar cholúin tine,

2 e tinha na mão um livrinho aberto. Pôs o pé direito sobre o mar e o esquerdo, sobre a terra,

2agus bhí scrolla beag ar oscailt aige ina lámh. Chuir sé a chos dheas ar an bhfarraige agus a chos chlé ar an talamh,

3 e bradou em grande voz, como ruge um leão, e, quando bradou, desferiram os sete trovões as suas próprias vozes.

3agus ghlaoigh sé de ghlór ard mar leon ag búireadh. Agus nuair a ghlaoigh, labhair na seacht dtoirneach lena nglór ar leith féin.

4 Logo que falaram os sete trovões, eu ia escrever, mas ouvi uma voz do céu, dizendo: Guarda em segredo as coisas que os sete trovões falaram e não as escrevas.

4Agus nuair a labhair na seacht dtoirneach, bhíos ar tí scríofa, agus chuala guth ó na flaithis á rá: "Cuir séala lena bhfuil ráite ag na seacht dtoirneach, agus ná scríobh é."

5 Então, o anjo que vi em pé sobre o mar e sobre a terra levantou a mão direita para o céu

5Agus an t-aingeal a chonaic mé ina sheasamh ar an bhfarraige agus ar an talamh, d'ardaigh sé a lámh chun na bhflaitheas agus

6 e jurou por aquele que vive pelos séculos dos séculos, o mesmo que criou o céu, a terra, o mar e tudo quanto neles existe: Já não haverá demora,

6mhionnaigh sé dar an té a mhaireann ar feadh na síoraíochta, an té a chruthaigh na flaithis agus a bhfuil iontu, agus an talamh agus a bhfuil air, agus an fharraige agus a bhfuil inti; mhionnaigh sé: "Ní bheidh moill ann feasta,

7 mas, nos dias da voz do sétimo anjo, quando ele estiver para tocar a trombeta, cumprir-se-á, então, o mistério de Deus, segundo ele anunciou aos seus servos, os profetas.

7ach sna laethanta a ghlaofaidh an seachtú haingeal, nuair a bheidh sé ar tí a thrumpa a shéideadh, ansin beidh rúndiamhair Dé arna comhlíonadh faoi mar a d'fhógair sé dá sheirbhísigh, na fáithe."

Itheann an Físí Scrolla

8 A voz que ouvi, vinda do céu, estava de novo falando comigo e dizendo: Vai e toma o livro que se acha aberto na mão do anjo em pé sobre o mar e sobre a terra.

8Ansin an guth a chuala ó na flaithis labhair sé liom arís, agus dúirt sé liom: "Ar aghaidh leat, tóg an scrolla atá ar oscailt i lámh an aingil atá ina sheasamh ar an bhfarraige agus ar an talamh."

[9] Fui, pois, ao anjo, dizendo-lhe que me desse o livrinho. Ele, então, me falou: Toma-o e devora-o; certamente, ele será amargo ao teu estômago, mas, na tua boca, doce como mel.

[10] Tomei o livrinho da mão do anjo e o devorei, e, na minha boca, era doce como mel; quando, porém, o comi, o meu estômago ficou amargo.

[11] Então, me disseram: É necessário que ainda profetizes a respeito de muitos povos, nações, línguas e reis.

Apocalipse 11

Ordens para medir o santuário de Deus

[1] Foi-me dado um caniço semelhante a uma vara, e também me foi dito: Dispõe-te e mede o santuário de Deus, o seu altar e os que naquele adoram;

[2] mas deixa de parte o átrio exterior do santuário e não o meças, porque foi ele dado aos gentios; estes, por quarenta e dois meses, calcarão aos pés a cidade santa.

As duas testemunhas mártires

[3] Darei às minhas duas testemunhas que profetizem por mil duzentos e sessenta dias, vestidas de pano de saco.

[4] São estas as duas oliveiras e os dois candeeiros que se acham em pé diante do SENHOR da terra.

[5] Se alguém pretende causar-lhes dano, sai fogo da sua boca e devora os inimigos;

[9]Chuaigh mé chun an aingil á rá leis an scrolla beag a thabhairt dom. Agus dúirt sé liom: “Tóg agus slog é, agus cuirfidh sé casadh searbh ar do ghoile, ach beidh sé milis mar mhil i do bhéal.”

[10]Thóg mé an scrolla beag, más ea, ó lámh an aingil agus shlog mé é, agus bhí sé milis mar mhil i mo bhéal, agus nuair a bhí sé ite agam tháinig casadh searbh ar mo ghoile.

[11]Ansin dúradh liom: “Ní foláir duit fáistine a dhéanamh arís i dtaobh pobal agus cinícha (agus teangacha) agus a lán ríthe.”

Apacailipsis (Taispeántadh) 11

An Bheirt Fhinné

[1]Ansin tugadh bata dom mar shlat tomhais agus é á rá liom: Éirigh agus tomhais teampall Dé, agus an altóir agus an lucht adhartha ansiúd;

[2]ach cúirt sheachtrach an teampaill, ná bac léi, agus ná tomhais í mar tugadh í do na cinícha agus satlóidh siad ar an gcathair naofa faoina gcosa ar feadh dhá mhí agus daichead.

[3]Ach fágfaidh mé faoi mo bheirt fhinné é, agus beidh siad ag fáidheoireacht ar feadh míle dhá chéad agus trí fichid lá, agus iad gléasta i sacéadaí.

[4]Is iadsan an dá chrann ola, agus an dá lóchrann a sheasaíonn os comhair Tiarna an domhain.

[5]Agus más áil le haon duine dochar a dhéanamh dóibh, tagann tine as a mbéal

sim, se alguém pretender causar-lhes dano, certamente, deve morrer.

[6] Elas têm autoridade para fechar o céu, para que não chova durante os dias em que profetizarem. Têm autoridade também sobre as águas, para convertê-las em sangue, bem como para ferir a terra com toda sorte de flagelos, tantas vezes quantas quiserem.

[7] Quando tiverem, então, concluído o testemunho que devem dar, a besta que surge do abismo pelejará contra elas, e as vencerá, e matará,

[8] e o seu cadáver ficará estirado na praça da grande cidade que, espiritualmente, se chama Sodoma e Egito, onde também o seu SENHOR foi crucificado.

[9] Então, muitos dentre os povos, tribos, línguas e nações contemplam os cadáveres das duas testemunhas, por três dias e meio, e não permitem que esses cadáveres sejam sepultados.

[10] Os que habitam sobre a terra se alegram por causa deles, realizarão festas e enviarão presentes uns aos outros, porquanto esses dois profetas atormentaram os que moram sobre a terra.

[11] Mas, depois dos três dias e meio, um espírito de vida, vindo da parte de Deus, neles penetrou, e eles se ergueram sobre os pés, e àqueles que os viram sobreveio grande medo;

[12] e as duas testemunhas ouviram grande voz vinda do céu, dizendo-lhes: Subi para

agus slogann a naimhde. Más áil le haon duine dochar a dhéanamh dóibh, más ea, is mar sin nach foláir é a mharú.

[6]Tá sé de chumhacht acu na spéartha a iamh i dtreo nach mbeadh aon bháisteach ann le linn laethanta a bhfáidheoireachta; agus tá de chumhacht acu na huiscí a iompú ina bhfuil, agus an talamh a bhualadh le gach sórt plá a mhinice agus is mian leo.

[7]Agus ar gcríochnú a bhfianaise dóibh, an beithíoch a éiríonn aníos as an duibheagán, fearfaidh sé cogadh orthu agus cloífidh iad agus maróidh iad.

[8]Agus beidh a gcorpáin ina luí ar shráid na cathrach móire - ar a dtugtar go fíorúil Sodom, agus an Éigipt mar ar céasadh a dTiarna chomh maith;

[9]agus daoine ó gach pobal agus treibh agus teanga agus cine ag stánadh ar a gcorpáin ar feadh trí lá go leith, gan cead a thabhairt iad a adhlacadh;

[10]agus gairdeas ar áitritheoirí an domhain ina dtaobh. Cuirfidh siad tabhartais chun a chéile mar gur chiap an bheirt fháidh seo áitritheoirí an domhain."

[11]Ansin tar éis trí lá go leith chuaigh spiorad beatha ó Dhia isteach iontu, agus sheas siad ar a mbonna, agus ghabh scéin mhór a raibh ag faire orthu.

[12]Agus chuala siad guth tréan ó na flaithis á rá leo: "Tagaigí anseo aníos!" Agus

aqui. E subiram ao céu numa nuvem, e os seus inimigos as contemplaram.

13 Naquela hora, houve grande terremoto, e ruiu a décima parte da cidade, e morreram, nesse terremoto, sete mil pessoas, ao passo que as outras ficaram sobremodo aterrorizadas e deram glória ao Deus do céu.

14 Passou o segundo ai. Eis que, sem demora, vem o terceiro ai.

A sétima trombeta

15 O sétimo anjo tocou a trombeta, e houve no céu grandes vozes, dizendo: O reino do mundo se tornou de nosso SENHOR e do seu Cristo, e ele reinará pelos séculos dos séculos.

16 E os vinte e quatro anciãos que se encontram sentados no seu trono, diante de Deus, prostraram-se sobre o seu rosto e adoraram a Deus,

17 dizendo: Graças te damos, SENHOR Deus, Todo-Poderoso, que és e que eras, porque assumiste o teu grande poder e passaste a reinar.

18 Na verdade, as nações se enfureceram; chegou, porém, a tua ira, e o tempo determinado para serem julgados os mortos, para se dar o galardão aos teus servos, os profetas, aos santos e aos que temem o teu nome, tanto aos pequenos como aos grandes, e para destruíres os que destroem a terra.

19 Abriu-se, então, o santuário de Deus, que se acha no céu, e foi vista a arca da

chuaigh siad suas chun na bhflaitheas i néal agus a naimhde ag faire orthu.

13Ag an nóiméad sin tharla crith mór talún agus thit deachú den chathair, agus fuair seacht míle duine bás sa chrith talún; ghabh eagla an chuid eile agus thug siad glóir do Dhia na bhflaitheas.

An Seachtú Trumpa

14Tá an dara mairg imithe léi. Féach, tá an tríú mairg ag teacht gan mhoill.

15Ansin shéid an seachtú haingeal a thrumpa. Agus b'shiúd guthaí tréana sna flaithis á rá: “I lámh ár dTiarna agus a Chríost a tharla tiarnas an domhain agus rialóidh sé ar feadh na síoraíochta.”

16Agus an ceathrar seanóirí ar fhichid a bhí ina suí ina ríchathaoireacha os comhair Dé, chaith siad iad féin ar a mbéala agus thug siad adhradh do Dhia

17á rá: “Beirimid buíochas leat, a Thiarna, a Dhia Uilechumhachtaigh, an té atá ann agus a bhí mar gur ghlac tú chugat do mhórchumhacht agus go ndeachaigh tú i mbun rialaithe.

18Ghabh fearg na ciníocha, ach tháinig fraoch d'fheirge agus uain an bhreithiúnais ar na mairbh, uain cúiteamh a thabhairt do do sheirbhísigh, na fáithe, agus do na naoimh agus don dream ag a bhfuil urraim do d'ainm, idir bheag agus mhór, uain scriosta lucht scriosta an domhain.”

19Ansin osclaíodh teampall Dé ar neamh, agus bhí radharc ar áirc a chonartha ina

Aliança no seu santuário, e sobrevieram relâmpagos, vozes, trovões, terremoto e grande saraivada.

Apocalipse 12

A mulher e o dragão

[1] Viu-se grande sinal no céu, a saber, uma mulher vestida do sol com a lua debaixo dos pés e uma coroa de doze estrelas na cabeça,

[2] que, achando-se grávida, grita com as dores de parto, sofrendo tormentos para dar à luz.

[3] Viu-se, também, outro sinal no céu, e eis um dragão, grande, vermelho, com sete cabeças, dez chifres e, nas cabeças, sete diademas.

[4] A sua cauda arrastava a terça parte das estrelas do céu, as quais lançou para a terra; e o dragão se deteve em frente da mulher que estava para dar à luz, a fim de lhe devorar o filho quando nascesse.

[5] Nasceu-lhe, pois, um filho varão, que há de reger todas as nações com cetro de ferro. E o seu filho foi arrebatado para Deus até ao seu trono.

[6] A mulher, porém, fugiu para o deserto, onde lhe havia Deus preparado lugar para que nele a sustentem durante mil duzentos e sessenta dias.

Anjos pelejam no céu contra o dragão. A vitória de Cristo e do seu povo

[7] Houve peleja no céu. Miguel e os seus anjos pelejaram contra o dragão. Também pelejaram o dragão e seus anjos;

theampall agus tharla tintreacha, agus glórtha agus toirneacha, agus crith talún agus a lán clocha sneachta.

Apacailipsis (Taispeántadh) 12

Fís na Mná agus an Dragan

[1]Ansin thaibhsigh an comhartha mór sa spéir, bean a raibh an ghrian mar bhrat uimpi agus an ghealach faoina cosa agus coróin de dhá réalta déag ar a ceann.

[2]Bhí gin aici ina broinn, agus d'éigh sí ina híona agus ina pianta linbh.

[3]Ansin thaibhsigh an dara comhartha sa spéir, féach, dragan mór dearg le seacht gceann agus deich n-adharc agus seacht gcoróin ar a chinn.

[4]Scuab a eireaball trian de réaltaí na spéire chun siúil agus theilg iad chun talún. Sheas an dragan os comhair na mná a bhí ar tí leanbh a bhreith d'fhonn an leanbh a shlogadh nuair a bhéarfadh sí é.

[5]Agus rug sí gin mic atá chun na ciníocha go léir a rialú le slat iarainn; agus sciobadh a mac suas chun Dé agus chun a ríchathaoireach.

[6]Ach theith an bhean léi chun an fhásaigh mar a raibh ansiúd aice áit ullamh ag Dia chun go gcuirfí cóir uirthi ar feadh míle dhá chéad agus trí fichid lá.

[7]Ansin bhris cogadh amach sna flaithis, níor mhór do Mhícheál agus dá chuid aingeal troid leis an dragan. D'fhreagair an dragan agus a chuid aingeal an cath,

[8] todavia, não prevaleceram; nem mais se achou no céu o lugar deles.

[9] E foi expulso o grande dragão, a antiga serpente, que se chama diabo e Satanás, o sedutor de todo o mundo, sim, foi atirado para a terra, e, com ele, os seus anjos.

[10] Então, ouvi grande voz do céu, proclamando: Agora, veio a salvação, o poder, o reino do nosso Deus e a autoridade do seu Cristo, pois foi expulso o acusador de nossos irmãos, o mesmo que os acusa de dia e de noite, diante do nosso Deus.

[11] Eles, pois, o venceram por causa do sangue do Cordeiro e por causa da palavra do testemunho que deram e, mesmo em face da morte, não amaram a própria vida.

[12] Por isso, festejai, ó céus, e vós, os que neles habitais. Ai da terra e do mar, pois o diabo desceu até vós, cheio de grande cólera, sabendo que pouco tempo lhe resta.

O dragão persegue a mulher

[13] Quando, pois, o dragão se viu atirado para a terra, perseguiu a mulher que dera à luz o filho varão;

[14] e foram dadas à mulher as duas asas da grande águia, para que voasse até ao deserto, ao seu lugar, aí onde é sustentada durante um tempo, tempos e metade de um tempo, fora da vista da serpente.

[15] Então, a serpente arrojou da sua boca, atrás da mulher, água como um rio, a fim

[8]ach ní rug siad bua, agus ní bhfuarthas a n-ionad sna flaithis feasta.

[9]An dragan mór, an nathair nimhe chianaosta, an té ar a dtugtar an Diabhal agus Sátan, an té a mheallann an saol go léir, teilgeadh chun na talún é, agus teilgeadh a aingil mar aon leis.

[10]Agus chuala mé guth tréan sna flaithis á rá: “Anois tá slánú agus neart agus tiarnas ár nDé agus údarás a Chríost tagtha, óir teilgeadh anuas cúisitheoir ár mbráithre, an té a bhíodh á gcúisiú os comhair Dé de lá agus d'oíche.

[11]Agus rug siad bua air trí fhuil an Uain, agus trí bhriathar a bhfianaise mar nár chás leo a n-anam thar an mbás.

[12]Uime sin, bíodh lúcháir oraibh a fhlaitheasa, agus sibhse a chónaíonn iontu. Is mairg don talamh, agus don fharraige, óir chuaigh an diabhal síos chugaibh faoi chuthach feirge agus a fhios aige nach bhfuil aige ach uain ghearr.”

[13]Nuair a chonaic an dragan gur teilgeadh chun na talún é, chuaigh sé sa tóir ar an mbean a rug an ghin mic.

[14]Tugadh don bhean dhá sciathán iolair mhóir chun go n-eitleodh sí léi amach san fhásach ón dragan go dtí a háit féin, mar a gcuirfear cóir uirthi ar feadh trátha, dhá thráth agus leath trátha.

[15]Sceith an nathair nimhe uisce, mar abhainn, as a bhéal i ndiaidh na mná d'fhonn go bhfuadódh sé le sruth í.

de fazer com que ela fosse arrebatada pelo rio.

16 A terra, porém, socorreu a mulher; e a terra abriu a boca e engoliu o rio que o dragão tinha arrojado de sua boca.

17 Irou-se o dragão contra a mulher e foi pelejar com os restantes da sua descendência, os que guardam os mandamentos de Deus e têm o testemunho de Jesus; e se pôs em pé sobre a areia do mar.

16Ach tháinig an talamh i gcabhair ar an mbean, agus d'oscail an talamh a chraos agus shlog sé an abhainn a sceith an dragan as a bhéal.

17Bhí an dragan, más ea, i bhfearg leis an mbean, agus d'imigh sé leis chun cogadh a fhearadh ar an gcuid eile dá sliocht, iad siúd a choimeádann aitheanta Dé agus a thugann fianaise ar Íosa.

18 Agus sheas sé ar bhruach na farraige.

Apocalipse 13

A besta que emerge do mar

1 Vi emergir do mar uma besta que tinha dez chifres e sete cabeças e, sobre os chifres, dez diademas e, sobre as cabeças, nomes de blasfêmia.

2 A besta que vi era semelhante a leopardo, com pés como de urso e boca como de leão. E deu-lhe o dragão o seu poder, o seu trono e grande autoridade.

3 Então, vi uma de suas cabeças como golpeada de morte, mas essa ferida mortal foi curada; e toda a terra se maravilhou, seguindo a besta;

4 e adoraram o dragão porque deu a sua autoridade à besta; também adoraram a besta, dizendo: Quem é semelhante à besta? Quem pode pelejar contra ela?

Apacailipsis (Taispeántadh) 13

Tugann an Dragan a Chumhacht don Bheithíoch

1 Ansin chonaic mé an beithíoch ag éirí as an bhfarraige, agus deich n-adharc agus seacht g ceann air, agus deich gcoróin ar a dheich n-adharc, agus ainmneacha diamhaslacha ar a chinn.

2Agus an beithíoch a chonaic mé ba chuma é nó liopard agus a chosa mar chosa beithre, agus a bhéal mar bhéal leoin; agus thug an dragan dó a neart agus a ríchathaoir agus a mhórchumhacht.

3Bhí, de réir dealraimh, goin bháis ar cheann leis ach cneasaíodh an ghoin bháis. Agus ghabh ionadh an saol mór ar fad agus lean an beithíoch.

4Shléacht siad le hómós don dragan mar gur thug sé an chumhacht don bheithíoch, agus shléacht siad le hómós don bheithíoch á rá: “Cé atá cosúil leis an mbeithíoch? Agus cé a fhéadann troid leis?”

[5] Foi-lhe dada uma boca que proferia arrogâncias e blasfêmias e autoridade para agir quarenta e dois meses;

[6] e abriu a boca em blasfêmias contra Deus, para lhe difamar o nome e difamar o tabernáculo, a saber, os que habitam no céu.

[7] Foi-lhe dado, também, que pelejasse contra os santos e os vencesse. Deu-se-lhe ainda autoridade sobre cada tribo, povo, língua e nação;

[8] e adorá-la-ão todos os que habitam sobre a terra, aqueles cujos nomes não foram escritos no Livro da Vida do Cordeiro que foi morto desde a fundação do mundo.

[9] Se alguém tem ouvidos, ouça.

[10] Se alguém leva para cativeiro, para cativeiro vai. Se alguém matar à espada, necessário é que seja morto à espada. Aqui está a perseverança e a fidelidade dos santos.

A besta que emerge da terra

[11] Vi ainda outra besta emergir da terra; possuía dois chifres, parecendo cordeiro, mas falava como dragão.

[12] Exerce toda a autoridade da primeira besta na sua presença. Faz com que a terra e os seus habitantes adorem a primeira besta, cuja ferida mortal fora curada.

[13] Também opera grandes sinais, de maneira que até fogo do céu faz descer à terra, diante dos homens.

[5]Agus tugadh béal don bheithíoch le diamhaslaí móra a chur as agus tugadh de chead dó sin a dhéanamh ar feadh dhá mhí agus daichead.

[6]D'oscail sé a bhéal do mhaslaí in aghaidh Dé, chun a ainm a mhaslú, agus a áitreabh agus cách a bhfuil a n-áitreabh acu sna flaithis.

[7]Agus tugadh cead dó cogadh a fhearadh ar na naoimh, agus iad a chloí; agus tugadh údarás dó ar gach treibh agus pobal agus teanga agus cine.

[8]Agus áitritheoirí uile an domhain, nach bhfuil a n-ainm scríofa ó thúsú an domhain i leabhar beatha an Uain a básaíodh, sléachtfaidh siad le hómós dó.

[9]An té a bhfuil cluas air, éisteadh sé:

[10]“Má tá geibheann i ndán d'aon duine, i ngéibheann a rachaidh sé. Má tá aon duine le bás a fháil le faobhar claímh, ní foláir é a bhású le claíomh. Anseo a éilítear foighne agus creideamh na naomh.”

An Fáidh Bréige faoi Láimh an Bheithígh

[11]Ansin chonaic mé, ag éirí ón talamh, beithíoch eile ar a raibh dhá adharc mar uan agus a labhair mar dhragan.

[12]Tá cumhacht uile an chéad bheithígh aige seo á cur i bhfeidhm ina láthair; agus cuireann sé faoi deara don domhan, agus do gach duine a áitíonn ann, sléachtadh le hómós don chéad bheithíoch a bhfuil an ghoin bháis air leigheasta.

[13]Agus déanann sé comharthaí móra, á chur faoi deara fiú amháin do thine

tuirlingt ar talamh ó neamh os comhair daoine.

[14] Seduz os que habitam sobre a terra por causa dos sinais que lhe foi dado executar diante da besta, dizendo aos que habitam sobre a terra que façam uma imagem à besta, àquela que, ferida à espada, sobreviveu;

[14]Meallann sé áitritheoirí an domhain leis na comharthaí a cheadaítear dó a dhéanamh os comhair an bheithígh, agus deir sé le háitritheoirí an domhain dealbh a dhéanamh don bheithíoch ar a raibh goin an chlaímh agus a mhair.

[15] e lhe foi dado comunicar fôlego à imagem da besta, para que não só a imagem falasse, como ainda fizesse morrer quantos não adorassem a imagem da besta.

[15]Agus ceadaíodh dó anam a chur i ndealbh an bheithígh, i dtreo go labhródh dealbh an bheithígh fiú amháin; agus go marófaí cibé duine nach sléachtfadh le hómós do dhealbh an bheithígh.

[16] A todos, os pequenos e os grandes, os ricos e os pobres, os livres e os escravos, faz que lhes seja dada certa marca sobre a mão direita ou sobre a fronte,

[16]Cuireann sé iallach ar gach duine idir bheag agus mhór, idir shaibhir agus dhaibhir, idir shaor agus dhaor, marc a bhualadh ar a ndeaslámh nó ar a n-éadan

[17] para que ninguém possa comprar ou vender, senão aquele que tem a marca, o nome da besta ou o número do seu nome.

[17]agus sin i dtreo nach bhféadfadh aon duine ceannach ná díol gan an marc, ainm an bheithígh is é sin, nó uimhir a ainm, a bheith air.

[18] Aqui está a sabedoria. Aquele que tem entendimento calcule o número da besta, pois é número de homem. Ora, esse número é seiscentos e sessenta e seis.

[18]Anseo a éilítear an eagna! An té a bhfuil éirim ann, comhaireadh sé uimhir an bheithígh, óir is uimhir duine é. A 666 a uimhirsean!

Apocalipse 14

O Cordeiro e os seus remidos no monte Sião

[1] Olhei, e eis o Cordeiro em pé sobre o monte Sião, e com ele cento e quarenta e quatro mil, tendo na fronte escrito o seu nome e o nome de seu Pai.

[2] Ouvi uma voz do céu como voz de muitas águas, como voz de grande trovão;

Apacailipsis (Taispeántadh) 14

Compánaigh an Uain

[1]Rinneadh fís dom arís: b'shiúd an tUan ina sheasamh ar chnoc Shíón, agus ina theannta bhí céad agus ceithre mhíle is daichead de dhaoine a raibh a ainm agus ainm a athar scríofa ar a n-éadan.

[2]Chuala mé glór ó neamh mar ghlór tuiltí lána, agus mar ghlór toirní tréine. Agus an

também a voz que ouvi era como de harpistas quando tangem a sua harpa.

[3] Entoavam novo cântico diante do trono, diante dos quatro seres viventes e dos anciãos. E ninguém pôde aprender o cântico, senão os cento e quarenta e quatro mil que foram comprados da terra.

[4] São estes os que não se macularam com mulheres, porque são castos. São eles os seguidores do Cordeiro por onde quer que vá. São os que foram redimidos dentre os homens, primícias para Deus e para o Cordeiro;

[5] e não se achou mentira na sua boca; não têm mácula.

A primeira voz

[6] Vi outro anjo voando pelo meio do céu, tendo um evangelho eterno para pregar aos que se assentam sobre a terra, e a cada nação, e tribo, e língua, e povo,

[7] dizendo, em grande voz: Temei a Deus e dai-lhe glória, pois é chegada a hora do seu juízo; e adorai aquele que fez o céu, e a terra, e o mar, e as fontes das águas.

A segunda voz

[8] Seguiu-se outro anjo, o segundo, dizendo: Caiu, caiu a grande Babilônia que tem dado a beber a todas as nações do vinho da fúria da sua prostituição.

A terceira voz

[9] Seguiu-se a estes outro anjo, o terceiro, dizendo, em grande voz: Se alguém adora

glór a chuala mé, ba chuma é nó glór cruitirí ag cruitireacht lena gcruiteanna.

[3]Agus canann siad mar a bheadh caintic nua os comhair na ríchathaoireach agus os comhair na gceithre dhúil bheo agus na seanóirí; níor fhéad aon duine an chaintic a fhoghlaim seachas an céad agus ceithre mhíle agus daichead a bhí ceannaithe ón saol.

[4]Siúd iad an dream nár truaillíodh le mná, mar is aontumhaigh iad. Iadsan lucht leanta an Uain cibé áit ina ngabhann sé. Ceannaíodh iadsan as an gcine daonna mar chéadtorthaí do Dhia agus don Uan,

[5]agus ní bhfuarthas bréag ina mbéal. Tá siad gan cháim.

Fógraíonn an tAingeal Lá an Bhreithiúnais

[6]Ansin chonaic mé aingeal eile agus é ar eitilt i mbuaic neimhe; bhí dea-scéala síoraí aige le fógairt dá gcónaíonn ar talamh, agus do gach cine, agus treibh agus teanga agus pobal.

[7]Bhí sé ag glaoch go hard á rá: “Bíodh eagla Dé oraibh, agus tugaigí glóir dó, óir tá uair a bhreithiúnais tagtha. Sléachtaigí le hómós don té a rinne neamh agus talamh, an mhuir agus na toibreacha fíoruisce.”

[8]Agus lean aingeal eile, an dara ceann, é á rá: “Thit an Bhablóin Mhór, thit sí siúd a thug ar na cinícha uile fíon feirge a striapachais a ól.”

[9]Lean aingeal eile iad, an tríú ceann, agus é ag glaoch go hard á rá: “Má shléachtann

a besta e a sua imagem e recebe a sua marca na fronte ou sobre a mão,

aon duine don bheithíoch agus dá dhealbh agus a chomhartha a ghabháil chuige ar a éadan nó ar a lámh,

[10] também esse beberá do vinho da cólera de Deus, preparado, sem mistura, do cálice da sua ira, e será atormentado com fogo e enxofre, diante dos santos anjos e na presença do Cordeiro.

[10]ólfaidh seisean chomh maith cuid d'fhíon feirge Dé arna dhoirteadh gan chumasc i gcupán a chuthaigh; déanfar é a phianadh le tine agus le ruibh os comhair na n-aingeal naofa agus an Uain.

[11] A fumaça do seu tormento sobe pelos séculos dos séculos, e não têm descanso algum, nem de dia nem de noite, os adoradores da besta e da sua imagem e quem quer que receba a marca do seu nome.

[11]Tá deatach a bpianta ag éirí aníos ar feadh na síoraíochta. Ní bhíonn sos isló ná istoíche ag an dream a shléachtann le hómós don bheithíoch agus dá dhealbh ná ag aon duine a ghabhann marc a ainm chuige.”

[12] Aqui está a perseverança dos santos, os que guardam os mandamentos de Deus e a fé em Jesus.

[12]Anseo a éilítear foighne na bhfíréan a choimeádann aitheanta Dé agus creideamh in Íosa.

A quarta voz

[13] Então, ouvi uma voz do céu, dizendo: Escreve: Bem-aventurados os mortos que, desde agora, morrem no SENHOR. Sim, diz o Espírito, para que descansem das suas fadigas, pois as suas obras os acompanham.

[13]Ansin chuala an guth ó na flaithis á rá: “Scríobh: Is beannaithe na mairbh a fhaigheann bás sa Tiarna, as seo amach.” “Is beannaithe go deimhin,” a deir an Spiorad, “i dtreo go scuirfidh siad dá saothar mar tá a n-oibreacha á leanúint.”

A ceifa

Fómhar Arbhair agus Fíona

[14] Olhei, e eis uma nuvem branca, e sentado sobre a nuvem um semelhante a filho de homem, tendo na cabeça uma coroa de ouro e na mão uma foice afiada.

[14]Ansin bhí fís agam agus b'shiúd an néal geal agus ina shuí ar an néal, neach mar mhac duine, agus coróin óir ar a cheann agus corrán géar ina lámh.

[15] Outro anjo saiu do santuário, gritando em grande voz para aquele que se achava sentado sobre a nuvem: Toma a tua foice e ceifa, pois chegou a hora de ceifar, visto que a seara da terra já amadureceu!

[15]Agus tháinig aingeal eile amach ón teampall, ag glaoch in ard a ghutha ar an té a bhí ina shuí ar an néal, á rá: “Sáigh isteach do chorrán agus bain; óir tá aimsir an fhómhair tagtha agus tá fómhar an domhain seanabaí.”

[16] E aquele que estava sentado sobre a nuvem passou a sua foice sobre a terra, e a terra foi ceifada.

[16]Ansin d'imir an té a bhí ina shuí ar an néal a chorrán ar fhómhar an domhain agus baineadh fómhar an domhain.

A vindima

[17] Então, saiu do santuário, que se encontra no céu, outro anjo, tendo ele mesmo também uma foice afiada.

[17]Ansin tháinig aingeal eile amach ón teampall sna flaithis agus corrán géar aigesean chomh maith.

[18] Saiu ainda do altar outro anjo, aquele que tem autoridade sobre o fogo, e falou em grande voz ao que tinha a foice afiada, dizendo: Toma a tua foice afiada e ajunta os cachos da videira da terra, porquanto as suas uvas estão amadurecidas!

[18]Agus an t-aingeal a bhí i gceannas na tine, tháinig sé amach ón altóir agus ghlaoigh sé in ard a ghutha ar an té ag a raibh an corrán géar á rá: “Sáigh isteach do chorrán géar agus bailigh crobhaingí fíniúna an domhain, óir is abaí dá chaora go léir.”

[19] Então, o anjo passou a sua foice na terra, e vindimou a videira da terra, e lançou-a no grande lagar da cólera de Deus.

[19]Agus d'imir an t-aingeal a chorrán ar an domhan, agus bhailigh sé fómhar fíniúna an domhain, agus theilg sé é i gcantaoir mhór feirge Dé.

[20] E o lagar foi pisado fora da cidade, e correu sangue do lagar até aos freios dos cavalos, numa extensão de mil e seiscentos estádios.

[20]Agus pasáileadh an chantaoir lasmuigh den chathair, agus sceith fuil as an gcantaoir go sriana na n-each, agus sin míle sé chéad staid ó bhaile.

Apocalipse 15

Os sete flagelos

[1] Vi no céu outro sinal grande e admirável: sete anjos tendo os sete últimos flagelos, pois com estes se consumou a cólera de Deus.

Os remidos entoam o cântico de Moisés e o cântico do Cordeiro

[2] Vi como que um mar de vidro, mesclado de fogo, e os vencedores da besta, da sua imagem e do número do seu nome, que se achavam em pé no mar de vidro, tendo harpas de Deus;

Apacailipsis (Taispeántadh) 15

Iomann Mhaois agus an Uain

[1]Ansin chonaic mé comhartha eile sna flaithis, é mór iontach: seacht n-aingeal agus seacht bplá acu, na cinn deiridh, mar is iontusan a tugadh fearg Dé chun a críche.

[2]Ansin chonaic mé mar a bheadh farraige de ghloine measctha le tine, agus an dream a bhuaigh ar an mbeithíoch agus ar a dhealbh, agus ar uimhir a ainm - bhí siad

ina seasamh ar an bhfarraige gloine, agus cruiteanna Dé acu,

[3] e entoavam o cântico de Moisés, servo de Deus, e o cântico do Cordeiro, dizendo: Grandes e admiráveis são as tuas obras, SENHOR Deus, Todo-Poderoso! Justos e verdadeiros são os teus caminhos, ó Rei das nações!

[3]agus bhí siad ag canadh caintic Mhaois, seirbhíseach Dé, agus caintic an Uain, á rá: “Is éachtach agus is iontach iad d'oibreacha, a Thiarna Dia, a Uilechumhachtaigh. Is cóir agus is fíor do chasáin, a rí na gciníocha.

[4] Quem não temerá e não glorificará o teu nome, ó SENHOR? Pois só tu és santo; por isso, todas as nações virão e adorarão diante de ti, porque os teus atos de justiça se fizeram manifestos.

[4]Cé hé nach eagal leis thú, a Thiarna, agus nach dtabharfaidh glóir do d'ainm? Óir is tú amháin is naofa. Agus tiocfaidh na ciníocha uile agus sléachtfaidh romhat le hómós, óir foilsíodh do bhreithiúnais.”

Deus envia os flagelos

[5] Depois destas coisas, olhei, e abriu-se no céu o santuário do tabernáculo do Testemunho,

[5]Ina dhiaidh sin chonaic mé fís! b'shiúd teampall bhoth na fianaise ar oscailt sna flaithis,

[6] e os sete anjos que tinham os sete flagelos saíram do santuário, vestidos de linho puro e resplandecente e cingidos ao peito com cintas de ouro.

[6]agus tháinig na seacht n-aingeal leis na seacht bplá amach as an teampall, agus iad feistithe i línéadach glan gléigeal, agus creasa óir faoina n-ucht.

[7] Então, um dos quatro seres viventes deu aos sete anjos sete taças de ouro, cheias da cólera de Deus, que vive pelos séculos dos séculos.

[7]Agus thug ceann de na ceithre dhúile beo do na seacht n-aingeal seacht soitheach óir lán d'fhearg Dé, an té a mhaireann ar feadh na síoraíochta.

[8] O santuário se encheu de fumaça procedente da glória de Deus e do seu poder, e ninguém podia penetrar no santuário, enquanto não se cumprissem os sete flagelos dos sete anjos.

[8]Agus líonadh an teampall den deatach ó ghlóir Dé agus óna chumhacht; níorbh fhéidir d'aon duine dul isteach sa teampall nó gur tugadh seacht bplá na seacht n-aingeal chun críche.

Apocalipse 16

Apacailipsis (Taispeántadh) 16

O primeiro flagelo

Na Seacht Soitheach lena bPlánna

[1] Ouvi, vinda do santuário, uma grande voz, dizendo aos sete anjos: Ide e derramai pela terra as sete taças da cólera de Deus.

[1]Ansin chuala mé guth ard ón teampall á rá leis na seacht n-aingeal: “Imígí agus

doirtigí seacht soitheach feirge Dé ar an domhan."

[2] Saiu, pois, o primeiro anjo e derramou a sua taça pela terra, e, aos homens portadores da marca da besta e adoradores da sua imagem, sobrevieram úlceras malignas e perniciosas.

[2]Agus d'imigh an chéad aingeal agus dhoirt sé a shoitheach ar an talamh; agus tháinig drochneascóid nimhneach ar na daoine ar a raibh marc an bheithígh agus a shléachtadh le hómós dá dhealbh.

O terceiro flagelo

[3] Derramou o segundo a sua taça no mar, e este se tornou em sangue como de morto, e morreu todo ser vivente que havia no mar.

[3]Dhoirt an dara haingeal a shoitheach ar an bhfarraige agus rinne fuil mar a bheadh fuil chorpáin di, agus fuair gach míol beo dá bhfuil san fharraige bás.

[4] Derramou o terceiro a sua taça nos rios e nas fontes das águas, e se tornaram em sangue.

[4]Dhoirt an tríú haingeal a shoitheach ar na haibhneacha agus ar na toibreacha uisce agus rinneadh fuil díobh.

[5] Então, ouvi o anjo das águas dizendo: Tu és justo, tu que és e que eras, o Santo, pois julgaste estas coisas;

[5]Agus chuala mé aingeal na n-uiscí á rá: "Is cóir thú, an té atá ann, agus a bhí, ós mar seo a thug tú breith, tusa atá naofa.

[6] porquanto derramaram sangue de santos e de profetas, também sangue lhes tens dado a beber; são dignos disso.

[6]Óir dhoirt siad fuil na naomh agus na bhfáithe, agus thug tú fuil le hól dóibh. A chonáchsan orthu!"

[7] Ouvi do altar que se dizia: Certamente, ó SENHOR Deus, Todo-Poderoso, verdadeiros e justos são os teus juízos.

[7]Agus chuala an altóir féin á rá: "Sea, a Thiarna Dia, a Uilechumhachtaigh, is fíor agus is cóir iad do bhreitheanna!"

O quarto flagelo

[8] O quarto anjo derramou a sua taça sobre o sol, e foi-lhe dado queimar os homens com fogo.

[8]Dhoirt an ceathrú haingeal a shoitheach ar an ngrian, agus ceadaíodh dise na daoine a loscadh le tine,

[9] Com efeito, os homens se queimaram com o intenso calor, e blasfemaram o nome de Deus, que tem autoridade sobre estes flagelos, e nem se arrependeram para lhe darem glória.

[9]agus loisceadh na daoine le teann teasa, agus mhaslaigh siad ainm Dé a bhfuil cumhacht aige ar na plánna sin, ach ní dhearna siad aithrí agus glóir a thabhairt dó.

O quinto flagelo

[10] Derramou o quinto a sua taça sobre o trono da besta, cujo reino se tornou em

[10]Dhoirt an cúigiú haingeal a shoitheach ar ríchathaoir an bheithígh, agus luigh

trevas, e os homens remordiam a língua por causa da dor que sentiam

[11] e blasfemaram o Deus do céu por causa das angústias e das úlceras que sofriam; e não se arrependeram de suas obras.

O sexto flagelo

[12] Derramou o sexto a sua taça sobre o grande rio Eufrates, cujas águas secaram, para que se preparasse o caminho dos reis que vêm do lado do nascimento do sol.

[13] Então, vi sair da boca do dragão, da boca da besta e da boca do falso profeta três espíritos imundos semelhantes a rãs;

[14] porque eles são espíritos de demônios, operadores de sinais, e se dirigem aos reis do mundo inteiro com o fim de ajuntá-los para a peleja do grande Dia do Deus Todo-Poderoso.

[15] (Eis que venho como vem o ladrão. Bem-aventurado aquele que vigia e guarda as suas vestes, para que não ande nu, e não se veja a sua vergonha.)

[16] Então, os ajuntaram no lugar que em hebraico se chama Armagedom.

O sétimo flagelo

[17] Então, derramou o sétimo anjo a sua taça pelo ar, e saiu grande voz do santuário, do lado do trono, dizendo: Feito está!

[18] E sobrevieram relâmpagos, vozes e trovões, e ocorreu grande terremoto, como nunca houve igual desde que há

dorchacht ar a ríocht, agus chogain daoine a dteanga le barr péine,

[11]agus mhaslaigh siad Dia na bhflaitheas de bharr a bpianta agus a neascóidí ach ní dhearna siad aithrí ina n-oibreacha.

[12]Dhoirt an séú haingeal a shoitheach ar an abhainn mhór, an Eofrataes, agus chuaigh an t-uisce inti i ndísc, i dtreo go mbeadh bóthar ullamh do na ríthe anoir.

[13]Agus chonaic mé trí spioraid neamhghlana, mar fhrogaí, ag teacht ó bhéal an dragain agus ó bhéal an bheithígh agus ó bhéal an fháidh bhréige -

[14]spioraid deamhan iad a bhíonn ag déanamh comharthaí, agus téann siad amach chun ríthe an domhain go léir á dtionól le chéile chun catha lá mór Dé Uilechumhachtaigh.

[15]“Féach! Seo mé ag teacht mar ghadaí. Is méanar don té a dhéanann faire, gan a chuid éadaigh a chaitheamh uaidh, i dtreo nach rachadh sé timpeall lomnocht agus go bhfeicfí a náire.”

[16]Agus chruinnigh siad iad chun na háite ar a dtugtar Harmagadón san Eabhrais.

[17]Dhoirt an seachtú haingeal a shoitheach ar an aer agus tháinig an guth tréan as an teampall ón ríchathaoir, á rá: “Tá sé curtha i gcrích!”

[18]Agus tharla tintreacha agus tormáin, agus toirneacha; agus tharla crith mór talún nach raibh a leithéid ann ó tháinig

gente sobre a terra; tal foi o terremoto, forte e grande.

19 E a grande cidade se dividiu em três partes, e caíram as cidades das nações. E lembrou-se Deus da grande Babilônia para dar-lhe o cálice do vinho do furor da sua ira.

20 Todas as ilhas fugiram, e os montes não foram achados;

21 também desabou do céu sobre os homens grande saraivada, com pedras que pesavam cerca de um talento; e, por causa do flagelo da chuva de pedras, os homens blasfemaram de Deus, porquanto o seu flagelo era sobremodo grande.

daoine ar an domhan, bhí an crith talún úd chomh tréan sin.

19Rinne trí choda den chathair mhór, agus thit cathracha na gciníocha ar lár. Agus an Bhablóin Mhór, tháinig sí chun cuimhne i láthair Dé, d'fhonn go dtabharfaí cupán fíona chuthach feirge Dé le hól di.

20Theith gach oileán agus ní raibh fáil ar na sléibhte.

21Agus thit clocha móra sneachta, chomh trom le tallann, anuas ó neamh ar na daoine. Agus mhaslaigh na daoine Dia de bharr plá na gclocha sneachta, óir ba rómhór mar phlá iad.

Apocalipse 17

A descrição da grande meretriz

1 Veio um dos sete anjos que têm as sete taças e falou comigo, dizendo: Vem, mostrar-te-ei o julgamento da grande meretriz que se acha sentada sobre muitas águas,

2 com quem se prostituíram os reis da terra; e, com o vinho de sua devassidão, foi que se embebedaram os que habitam na terra.

3 Transportou-me o anjo, em espírito, a um deserto e vi uma mulher montada numa besta escarlate, besta repleta de nomes de blasfêmia, com sete cabeças e dez chifres.

4 Achava-se a mulher vestida de púrpura e de escarlata, adornada de ouro, de pedras

Apacailipsis (Taispeántadh) 17

An Bhablóin an Striapach Mhór

